



**Ollscoil  
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

# **SCRÍOBHAI THE GAEILGE AN TUAISCIRT, 1650-1900: BEATHAISNÉISÍ**

**Ceithre Imleabhar:**

**Imleabhar a hAon**

**Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad**

**don chéim dochtúireachta ag**

**Fintan Brian Keegan**

**Roinn na Nua-Ghaeilge**

**Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta**

**Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire**

**Lúnasa 2019**

**Ceann na Roinne: An tOll. Fionntán de Brún**

**Stiúrthóirí: An tOll. Ruairí Ó hUiginn agus an Dr Brian Ó Catháin**

## **Dearbhú**

Dearbhaím gur liom féin an saothar seo, agus go bhfuil tagairt déanta agam, de réir mar is cóir, do gach saothar agus do gach foinse eile a d'úsáid mé sa tráchtas seo.

Fintan Brian Keegan

## Achoimre

Is éard atá sa tráchtas seo, sraith beathaisnéisí ar scríobhaithe Gaeilge an Tuaiscirt, ceantar a chuimsíonn Cúige Uladh, mar aon le scríobhaithe Cho. Lú, na Mí, na hIarmhí, an Longfoirt agus Co. Liatroma, an méid acu a bhí ag saothrú sa tréimhse idir na blianta 1650 agus 1900.

Déantar plé ginearálta sa chéad chaibidil den tráchtas ar: *(i)* thraidisiún na lámhscríbhinní sa cheantar; *(ii)* an méid lámhscríbhinní a tháinig slán; *(iii)* scriosadh na lámhscríbhinní; *(iv)* an méid eolais agus nádúr an eolais atá le tacar as na colafoin; *(v)* na nótaí pearsanta a chuir na scríobhaithe lena gcuid saothar. Pléitear cuid de na deacrachtaí a bhaineann le staidéar na lámhscríbhinní i gcás an cheantair fosta. De bhreis ar an ábhar sin, tugtar nótaí ar oidis dúigh a d'fhág na scríobhaithe ina ndiaidh, agus ar ghnéithe eile de dhéantús na lámhscríbhinní trí chéile.

Is í an dara caibidil príomhchuid an tráchtais, áit a ndéantar scagadh ar bheathaisnéisí 231 scríobhaí atá incheangailte leis an gceantar. Soláthraítear mar chuid den phlé sin: *(i)* liostaí sealadacha lámhscríbhinní, duine ar dhuine; *(ii)* sleachta as taifid riaracháin na tréimhse le cur leis an mbeagán sonraí a thugann na scríobhaithe fúthu féin ina gcuid lámhscríbhinní. Ar na foinsí príomha eile a mbaintear leas astu, tá *(i)* gíotaí comhfhreagrais; *(ii)* an fíorbheagán scéalta béaloidis faoi na scríobhaithe atá ar taifead, nithe a cheadaítear chun na críche céanna. Ríomhtar, chomh fada agus is féidir, na gréasáin liteartha ina mbíodh na scríobhaithe seo páirteach.

## Clár Ábhair

<b><i>Imleabhar a hAon:</i></b>	<b>Lch</b>
<b>Dearbhú</b>	<b>i</b>
<b>Achoimre</b>	<b>ii</b>
<b>Clár Ábhair</b>	<b>iii</b>
<b>Nóta Buíochais</b>	<b>xvi</b>
<b>Giorrúcháin</b>	<b>xx</b>
1. Ainmneacha Cnuasach Lámhscríbhinní	xx
2. Noda ar Fhoilseacháin a Úsáidtear go Coitianta	xxix
3. Comharthaí Eagarthóireachta	xxxii
<b>Nótaí Teicniúla</b>	<b>xxxiii</b>
1. Scóip an Tráchtais	xxxiii
2. Sainiú an Cheantair	xxxiv
3. Sainmhíniú ar ‘Scríobhaí’ de Chuid an Tuaiscirt	xlili
<b>Caib. 1: Tabhairt Isteach</b>	<b>1</b>
1.1 Réamhrá	1
1.1.1. Staidéar na Lámhscríbhinní, agus Deacrachtaí a Bhaineann Leo	9
1.1.2. A bhFuil Againn Anois	21
1.1.3. Scríosadh Lámhscríbhinní	34
1.2. Tréithe na Lámhscríbhinní	52
1.2.1. Colafoin	53
1.2.2. Páipéar, Dúch agus Eiseamláirí	65
1.2.2.1. Dúch agus Páipéar	69

1.2.2.2.	Ceangail	75
1.2.2.3.	Eiseamláirí	76
1.2.3.	Tionchar an Chló	84
1.2.4.	Litearthacht agus an <i>English Character</i>	92
1.2.4.1.	Ortagrafaíocht	92
1.2.4.2.	Script	95
1.2.4.3.	<i>English Character</i>	99
1.3.	Scríobhaithe	104
1.3.1.	Slite Beatha	128
1.3.2.	Oideachas agus Traidisiún an Léinn	145
1.3.3.	Nótaí Pearsanta	155
1.4.	Na Lámhscríbhinní de Réir Contae	161
1.4.1.	Oiriaila: An Lú, An Mhí, Ard Mhacha, Muineachán	161
1.4.1.1.	An Lú	166
1.4.1.2.	An Mhí	179
1.4.1.3.	Muineachán	191
1.4.1.4.	Ard Mhacha	206
1.4.2.	An Dún, Aontroim	215
1.4.2.1.	An Dún	215
1.4.2.2.	Aontroim	221
1.4.3.	Bréifne: An Cabhán, Fear Manach, Liatroim	225
1.4.3.1.	An Cabhán	227
1.4.3.2.	Fear Manach	232
1.4.3.3.	Liatroim	234
1.4.4.	Tuaisceart Laighean: An Iarmhí, An Longfort	235
1.4.4.1.	An Iarmhí	236
1.4.4.2.	An Longfort	248

1.4.5.	Tuaisceart Uladh: Dún na nGall, Doire, Tír Eoghain	251
1.4.5.1.	Dún na nGall	251
1.4.5.2.	Doire	253
1.4.5.3.	Tír Eoghain	256
1.4.6.	Lámhscríbhinní i gCeantair Eile	257
1.4.6.1.	Baile Átha Cliath	259
1.4.6.2.	Cúige Chonnacht	278
1.4.7.	Fás an Traidisiúin Scríofa in Oiriaila	284

**Caib. 2: Beathaisnéisí** **323**

2.1.	Criostóir Aindreamha	323
2.2.	Uaithne Barnbhall	327
2.3.	Michael Bennett	328
2.4.	S[éamus] Biatach	329
2.5.	Aindrias Briosáin	330
2.6.	Somhairle Briosáin	332
2.7.	Michael Carolan	341
2.8.	James Carroll	342
2.9.	Edmond Carrollan	342
2.10.	George Codan	343
2.11.	Thomas Corgan	349
2.12.	——— Crab	349
2.13.	Eoin Cruig	353
2.14.	Christopher Cullen	354

***Imleabhar a Dó:***

<b>Caib. 2 ar leanúint</b>	<b>1</b>
----------------------------	----------

2.15.	Pat Darditz	1
2.16.	Patrick Deal[ ]	2
2.17.	Pádraig de Búrca	3
2.18.	Tomás de la hÍd	4
2.19.	Pádraig Dubhdal	5
2.20.	Paul Gormley	5
2.21.	Seoirse Haidseir	7
2.22.	Thomas Hudson	9
2.23.	Uilliam Jordan	10
2.24.	James Kelly	17
2.25.	Patrick Kelly	18
2.26.	Maghnus Mac Amhlaobh	18
2.27.	Mícheál Mhac an Bhaird	20
2.28.	Pádraig Mhac an Bhaird	28
2.29.	Donnchadh Mhac an Chléirigh	29
2.30.	Henrí Mac an tSaoir	30
2.31.	Seán Mac an tSaoir	37
2.32.	Proinsias Mhac an Ultaigh	42
2.33.	Séamus Mac an Ultaigh	42
2.34.	Conchubhar Mhag Aodha	45
2.35.	Cú Chonnacht Mag Aodha [1]	48
2.36.	Cú Chonnacht Mag Aodha [2]	49
2.37.	Aodh Mac Aodhagáin	50
2.38.	Éamonn Augustus Mag Aonghusa	51
2.39.	Énrí Mac Ardghail	60
2.40.	Art Mhac Bionaid	61
2.41.	Fiachra Mhac Bhrádaigh	119

2.42.	Pádraig Mhac Bhrádaigh	127
2.43.	Pilib Mac Brádaigh	128
2.44.	Aodh Mhac Cába	130
2.45.	Éamonn Mhac Cába	134
2.46.	Eoin Mhac Cadhaidh	137
2.47.	Labhrach Mac Cdhmill	140
2.48.	Tomás Mhac Ceitearu	141
2.49.	Seon Mac Ciar	145
2.50.	Matha Mhac Cinnéadaigh	146
2.51.	Brian Mhac Cionnaoith	151
2.52.	Daniell Mac Cloye	153
2.53.	Proinsias Mac Conaill	154
2.54.	Aodh Mac Conainn	155
2.55.	Labhrás Mhac Con Allaidh	155
2.56.	Eoghan Carrach Mac Conmhaoil	159
2.57.	Seorsa Mhac Conraoi	160
2.58.	Toirdhealbhach Mhac Con Rubha	161
2.59.	John McCormick	161
2.60.	Cormac Mac Cuan	162
2.61.	Tomás Mac Cuinneagáin	165
2.62.	Aodh Mac Domhnaill [1]	165
2.63.	Aodh Mhac Domhnaill [2]	167
2.64.	Labhrás Mac Domhnaill	198
2.65.	Mícheál Mhac Domhnaill	198
2.66.	Philip Mac Dhubhghaill	200
2.67.	Séamus Mac Duibh	201
2.68.	Feidhlime Mag Fhinneachta	201



2.69.	Cathal Mhac Gabhann	201
2.70.	Éamonn Mhac Gabhann	202
2.71.	Pádraig Mhac Gabhann	202
2.72.	Donnchadh Mac Gafraidh	207
2.73.	Pádraig Mhac Gatháin	208
2.74.	Silbheastar Mhac Gibne	215
2.75.	Matha Mac Giolla	219
2.76.	Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1]	221
2.77.	Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2]	221
2.78.	Séamus Mhac Giolla Choille	222
2.79.	Domhnall Mac Giolla Chomhghaill	231
2.80.	Séamus Mac Giolla Chomhghaill	232
2.81.	Labhrás Mac Giolla Earna	242
2.82.	Brian Mac Giolla Eoin	251
2.83.	Séamus Mac Giolla Ruaidh	252
2.84.	Seán McGonigle	256
2.85.	Mícheál Mac Gormáin	256
2.86.	Pádraig Mac Laoghaire	257
2.87.	Eoin Mac Lochlainn	258
2.88.	Seán Mac Maghnuis	259
2.89.	Henrí Mhac Muircheartaigh	259
2.90.	Uilliam Mac Néill	261
2.91.	Pádraig Mac Oghannáin	272
2.92.	Brian Mag Oireachtaigh	278
2.93.	Donnchadh Mag Oireachtaigh	284
2.94.	Cormac Mac Parthaláin	288
2.95.	Maolmuire Mhac Parthaláin	290

2.96.	Feidhlimidh Mag Ruadhraidh	291
2.97.	Séamus Mag Shamhradháin	291
2.98.	Seon Mag Shamhradháin	292
2.99.	Cathal Mhac Searraigh	294
2.100.	Nioclás Mac Síomóin	295
2.101.	Séamus Mac Síomóin	295
2.102.	Seon Mhac Solaidh	296
2.103.	Séamus Mhac Thighearnáin	320
2.104.	Feidhlime Mhag Uidhir	321
2.105.	Peadar Mhag Uidhir	322
2.106.	Roibeard Mhag Uidhir	324
2.107.	Séamus Bacach Mhag Uidhir	336
2.108.	Toirdhealbhach Mhag Uidhir	353
2.109.	Patrick Mihan	362
2.110.	John Leo Nicolas	362
2.111.	Séamus Niocláis	363
2.112.	Séamus Seán Niocláis	367
2.113.	Séamus Ó Bréaghdha	367
2.114.	Pól Ó Briain	368
2.115.	Pádraig Ó Brinn	380
2.116.	Séamus Ó Brinn	383

***Imleabhar a Trí:***

<b>Caib. 2 ar leanúint</b>	<b>1</b>
2.117. Cormac Ó Caiside	1
2.118. Éamonn Ó Caiside	1
2.119. Énrí Ó Caiside	5

2.120. Philip Ó Caiside	18
2.121. Proinsias Ó Caiside	25
2.122. Tomás Ó Caoindealbháin	25
2.123. Brian Ó Cathaláin	26
2.124. Labhrás Ó Cathaláin	32
2.125. Mícheál Ó Cathaláin	33
2.126. Pádraig Ó Cathaláin	34
2.127. Pádraig Ó Cearbhaill	38
2.128. Cathal Ó Cearbhalláin	39
2.129. Éadbhard Ó Cearbhalláin	44
2.130. Nioclás Ó Cearnaigh	46
2.131. Philip Ó Ciarbhalláin	53
2.132. Toirdhealbhach Ó Cilleáin	53
2.133. Artúr Ó Cléirceáin	54
2.134. Mícheál Ó Cléirigh	56
2.135. Seán Ó Cléirigh	67
2.136. Tomás Ó Cléirigh	75
2.137. John T. O'Clery	76
2.138. Aodh Ó Cobhthaigh	79
2.139. Mícheál Ó Collaidh	81
2.140. Seán Ó Conchubhair	81
2.141. Tomás Ó Conchubhair	83
2.142. Éamonn Ó Cuinn	84
2.143. Bearnard Ó Cuirnín	85
2.144. Pádraig Ó Daighre	86
2.145. Peadar Dubh Ó Dálaigh	88
2.146. Séamus Ó Dobhailin	100

2.147. Toirdhealbhadh Ó Dobhailin	103
2.148. Pádraig Ó Doibhlin	104
2.149. Peadar Ó Doirnín	107
2.150. Tomás Ó Doirnín	129
2.151. Pádraig Ó Domhnaigh	132
2.152. Maghnus Ó Domhnaill	132
2.153. Séaghan Ó Donnghaile	135
2.154. Doiminic Ó Dubhda	140
2.155. Eoghan Ó Dúiche	141
2.156. Pádraig Ó Dúiche	142
2.157. Séamus Ó Dúiche	143
2.158. Domhnall Ó Duinn	148
2.159. Seoirse Ó Duinn	149
2.160. Seán Ó Duinn	150
2.161. Pádraig Ó Faircheallaigh	155
2.162. Muiris Ó Fearghail	158
2.163. Séamus Lom Ó Fearghail [1]	160
2.164. Séamus Ó Fearghail [2]	162
2.165. Uilliam Ó Fearghail	167
2.166. Baothghalach Ó Fearghusa	167
2.167. Séamus Ó Ficeallaigh	168
2.168. Eoin Ó Fionnagáin	169
2.169. Séamus Ó Gabhagáin	173
2.170. Pádraig Ó Gallóglaigh	174
2.171. Peadar Ó Gealacáin	177
2.172. Muiris Ó Gormáin	216
2.173. Matha Mórdha Ó Graeme	286

2.174. Eoin Ó Gribín	307
2.175. Séamus Ó Gribín	310
2.176. Mícheál Ó hAirt	312
2.177. Ardghal Ó hAnluain	314
2.178. Labhrás Ó hArann	315
2.179. Éadbhard Ó hEachaidh	323
2.180. Bháitear Ó hEisleanáin	330
2.181. Pádraig Ó hEithir	332
2.182. Tomás Ó hEochaidh	334
2.183. Tomás Ó hEothasaigh	335
2.184. Séamus Ó Leanacháin	336
2.185. Pádraig Ó Loingsigh	337
2.186. Pádraig Ó Luain	367
2.187. Conchubhar Ó Luinín [1]	385
2.188. Conchubhar Ó Luinín [2]	391
2.189. Séarlas Ó Luinín	393

***Imleabhar a Ceathair:***

<b>Caib. 2 ar leanúint</b>	<b>1</b>
2.190. Síomón Ó Macaoín	1
2.191. Peadar Ó Maoil Chéile	6
2.192. ——— Ó Marcaigh	8
2.193. Eoin Ó Mearráin	9
2.194. Eoin Ó Muirreadh	11
2.195. Art Mór Ó Murchadha	12
2.196. Mícheál Ó Murchadha	18
2.197. Aodh Ó Néill	20

2.198. Art Ó Néill	25
2.199. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill	26
2.200. Seán Ó Néill	37
2.201. Pádraig Ó Pronntaigh	42
2.202. Aodh Ó Raghallaigh	51
2.203. Domhnall Ó Raghallaigh	52
2.204. Éamonn Ó Raghallaigh	54
2.205. Eoghan Ó Raghallaigh	55
2.206. Fearghal Ó Raghallaigh	58
2.207. Pádraig Ó Raghallaigh [1]	60
2.208. Pádraig Ó Raghallaigh [2]	61
2.209. Phillip Ó Raghallaigh	65
2.210. Proinsias Ó Raghallaigh [1]	65
2.211. Proinsias Ó Raghallaigh [2]	66
2.212. Seán Ó Raghallaigh	67
2.213. Toirdhealbhadh Ó Raghallaigh	67
2.214. Peadar Ó Ruadháin	69
2.215. Brian Ó Ruairc	70
2.216. Séamus Ó Scealláin	71
2.217. Brian Ó Searcaigh	72
2.218. Pádraig Gruamdha Ó Siadhail	75
2.219. Séamus Ó Súilleabháin	76
2.220. Pól Ó Tighearnáin	77
2.221. Tomás Ó Tighearnáin	77
2.222. Brian Ó Tomaltaigh	78
2.223. Mícheál Ó Tónair	92
2.224. Séamus Ó Treasaigh	93

2.225. Ristear Pluincéad [1]	94
2.226. Ristear Pluincéad [2]	95
2.227. James Smyth	108
2.228. Owen Smyth	109
2.229. Tomás Stafford	114
2.230. L. T[uibear]	115
2.231. Ristear Tuibear	116
<b>Aguisín 1: Tagairtí do Chatalóga</b>	<b>139</b>
<b>Aguisín 2: Dátaí agus Logainmneacha</b>	<b>141</b>
<b>Aguisín 3: Sleachta as Lámhscríbhinní</b>	<b>144</b>
<b>Aguisín 4: Sloinnte</b>	<b>145</b>
<b>Aguisín 5: Obair Gharbh na bhFigiúirí a Tugadh i gCaib. 1</b>	<b>154</b>
<b>Aguisín 6: Tagairtí eile do Chríostóir Aindreamha</b>	<b>165</b>
<b>Aguisín 7: Lámhscríbhinn Christopher Cullen agus an <i>English Character</i></b>	<b>170</b>
<b>Aguisín 8: Cúram Airt agus Mháire Mhic Bhionaid</b>	<b>173</b>
<b>Aguisín 9: Dánta Fhiachra Mhic Bhrádaigh</b>	<b>206</b>
<b>Aguisín 10: Dánta Éamoinn Uí Chaiside</b>	<b>211</b>
<b>Aguisín 11: Bás Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh</b>	<b>214</b>
<b>Aguisín 12: Sliocht Eoin Uí Fhionnagáin</b>	<b>218</b>
<b>Aguisín 13: Peadar Ó Gealacáin—Áiteacha Scríofa, Teagaisc, agus Cónaithe</b>	<b>223</b>
<b>Aguisín 14: Patrick Galligan (c.1830-1902), mac Pheadair Uí Ghealacáin</b>	<b>227</b>
<b>Aguisín 15: Turais Pheadair Uí Ghealacáin go Béal Feirste</b>	<b>232</b>
<b>Aguisín 16: Bás Mhuiris Uí Ghormáin</b>	<b>241</b>

<b>Aguisín 17: Muintir Bhriain Uí Shearcaigh</b>	<b>260</b>
<b>Aguisín 18: Seághan Ó Faircheallaigh (1845-1927): ‘An Scríobhaí Deiridh’</b>	<b>275</b>
<b>Leabharliosta agus Foinsí</b>	<b>285</b>
1. Leabhair, Ailt, Tráchtais Neamhfhoilsithe	285
2. Lámhscríbhinní Gaeilge	373
3. Páipéir Nuachta	379
4. Ábhar Cartlainne agus Ábhar Príomha Neamhfhoilsithe	381



## Nóta Buíochais

Téann sé le céill agus le ceart go gcuirfí mo thuismitheoirí, Fintan Keegan agus Anne Keegan, ag barr an liosta seo. Ní hé amháin gurbh iadsan a mhúscail ionam spéis san fhoghlaim i dtús m'óige, agus a chuir ar fáil dom gach aon riachtanas a bheadh de dhíth ar dhalta scoile nó ar mhac léinn bunchéime, ach ba iadsan fosta a thug cuidiú praiticiúil dom a fhad is a bhí mé i mbun an tráchtais seo. Is iomaí uair a bogadh spriodhata an tráchtais seo ó thosaigh mé á scríobh, agus gach uair a bhí táillí le díol, dhíol siad iad gan gearán a dhéanamh. Ba iadsan a chuidigh liom ar an iomad sin bealaí eile, ag éisteacht liom (mairg an té a dtiteann an cúram sin air), ag tabhairt síobanna dom, ag priontáil ábhair dom, agus ag fágáil an bhealaigh nuair a thosaigh mé a thabhairt mo sheacht mallacht don ríomhaire. Iadsan a d'éist, ar bhonn laethúil, nó geall leis, le mo chuid rachtanna éadóchais, agus a ghríosaiigh chun oibre arís mé nuair a bhí cúrsaí ar tí titim as a chéile. Tugaim mo bhuíochas do m'uncailí agus do m'aintíní uilig a thug spreagadh dom le sé bliana anuas, ach is ceart m'uncail Jim Keegan a lua ach go háirithe, óir ba uaidh siúd a d'fhoghlaim mé nach aon deimhniú ar scéal a bheith fíor é a bheith i gcló. An spéis atá agam sa stair áitiúil (an rud is ceannfháth go mór leis an spéis atá agam i lámhscríbhinní an cheantair seo), is mar gheall ar scéalta mo sheanmháthar, Clare Keegan, a thuig mé a luach. Ba bheag a beann ar an scéal rómánsúil, cibé duine a bhí i dtrácht aici. Cha ligim i ndearmad mo sheanmháthair eile, Sheila Monaghan (*ob.*2006).

Sa dara háit, tá buíochas ar leith tuillte ag an mbeirt stiúrthóirí a bhí agam, an tOll. Ruairí Ó hUiginn agus an Dr Brian Ó Catháin, a ceapadh ina chomhstiúrthóir nuair a tairgeadh post don Oll. Ó hUiginn in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Dá

mba rud é gur chomhlíon sé a chuid dualgas mar stiúrthóir a fhad is a bhí sé ina Ceann Roinne i Maigh Nuad, bheadh mo bhuíochas tuillte ag an Oll. Ruairí Ó hUiginn, ach lean sé air ina dhiaidh sin, fiú, ag tabhairt comhairle dom agus ag léamh na ndr'éachtaí a chuir mé chuige. Stiúrthóir coinsiasach tuisceanach a bhí ann, agus caithfidh sé gurb iomaí uair a chuir mé go bun na foighne é. Chuir sé an-spéis san obair ó thús go deireadh. Thug an Dr Brian Ó Catháin an-chuidiú dom agus mé ag réiteach na bprofaí deiridh den tráchtas, ó thaobh leagan amach an ábhair, ceisteanna teanga, agus nithe eile, agus tugaim mo bhuíochas dó as an gcomhairle a chuir sé orm go flaithiúil le trí bliana anuas. Ní ligim i ndearmad an cuidiú ar dóigh a thug Riarthóir na Roinne, Mairéad Uí Fhlatharta, dom le nithe éagsúla, na foirmeacha pá ach go mórmhór. Tá mo bhuíochas tuillte ag baill foirne eile de chuid Roinn na Nua-Ghaeilge: an tOll. Fionntán de Brún a chuir an-spéis i mo chuid oibre; an Dr Tracey Ní Mhaonaigh a thug cabhair dom san iliomad slí, agus a thug deis dom alt a scríobh d'*Irisleabhar Mhá Nuad*; an Dr Eoghan Ó Raghallaigh a thug eolas dom i dtaobh lámhscríbhinne, agus a thug an-chuidiú dom a fhad is a bhí mé i mbun teagaisc; an Dr Lára Ní Mhaoláin ónar fhoghlaim mé mórán i dtaobh na paileagrafaíochta; an Dr Aisling Ní Dhonnchadha a mbíodh focal misnigh aici i gcónaí; an Dr Tadhg Ó Dúshláine a chuir an-spéis i gcúrsaí lámhscríbhinní. Tugaim mo bhuíochas fosta do Dhaithí Ó Muirí, don Dr Liam Mac Amhlaigh a chuaigh sa tóir ar eolas i dtaobh lámhscríbhinní a athar, agus don Dr Tomás L. Ó Murchú.

Nuair a thug mé faoi mhodúil de chuid Roinn na Sean-Ghaeilge, cuireadh fáilte romham ann ionann is go raibh mé tar éis na blianta fada a chaitheamh ag plé le foireann na Roinne sin. Luaim go sonrach an Dr Elizabeth Boyle, Ceann na Roinne, an Dr Deborah Hayden, an tOll. David Stifter, agus an Dr Fangzhe Qiu. Tá mo

bhuíochas tuillte go speisialta ag an Dr Chantal Kobel ónar fhoghlaim mé mórán i dtaobh na lámhscríbhinní meamraim.

Chuir an tOll. Richard Sharpe chugam go flaithiúil dréachtaí de shaothar atá á chur le chéile aige ar sheachnuasaigh lámhscríbhinní, rud inar chuir mé an-chuid spéise; agus is trua nach raibh an saothar céanna i gcló faoin am ar thosaigh mé ar mo chuid taighde a dhéanamh, óir tá mórán eolais ann nach ndéantar plé air sa tráchtas seo.

Tugaim mo bhuíochas do Noel Ross, eagarthóir an *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society*, a chuidigh liom dul sa tóir ar lámhscríbhinní Aibhistín Mhic Amhlaigh.

Cuid mhaith de na cairde a bhí agam nuair a bhí mé i mbun na bunchéime anseo, bhí mé ar scoil leo sa bhaile: Nathan Murphy, Brian O’Keeffe, Tadhg Lowry, Jamie Tannam, Mark McDonnell, Darra Coyle, Seán Maher, agus iomad eile. Mo bhuíochas libh as an gcomhlúadar, más fada an lá ó leag mé súil ar chuid agaibh. An uair a bhí mé ag tosú ar thaighde a dhéanamh faoi choinne an tráchtais, bhí mar ‘chara leabharlainne’ agam, seanchara maith eile ón mbaile, Fionn Breen, agus is iomaí uair a thug sé dom cic sa tiarpa chun oibre nuair a bhí sin de dhíth orm. Ní hé nach raibh orm an gar a chúiteamh. Tugaim mo bhuíochas d’Anthony O’Reilly ar chaith mé mórán ama ina chuideachta i Maigh Nuad. Chuir mé aithne ar chuid mhaith daoine a bhí i mbun céime i Roinn na Sean-Ghaeilge: Vivienne Rafferty, Eimear Duffy, Emer Kavanagh, agus Mark Louth go mórmhór, atá i mbun tráchtas Ph.D. faoi láthair, agus go gcríochnaí sé in achar ceithre bliana é. Ó thaobh na comhairle de, tá sé ina chineál de chomharba ar Fhionn Breen, agus táim buíoch de as a chuid comhairleasan. Agus is ceart an tiománaí bus is réchúisí istír seo, Justin McEnaney, a lua, a rinne foighne mhór liom le naoi mbliana anuas.

Tá mo bhuíochas tuillte go mór ag Andrew Jackson, Machaire Cluana, Co.

Mhuineacháin, a thiontaigh alt Francise go Gaeilge dom nuair a bhí sé ag déanamh staidéir i Maigh Nuad. Mo bhuíochas fosta le roinnt daoine eile a thug seanchas áitiúil dom ar logainmneacha, srl.: Andrew Crosbie, Cillian Mac Cába, Miriam Fitzsimons, Helen Kelly, agus Brian Kilkenny ach go háirithe, a chuaigh sa tóir ar eolas go speisialta ar mo shon. Níor bheag an cuidiú a fuair mé ó bhaill foirne Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad, agus na Leabharlainne Náisiúnta, Baile Átha Cliath. Tá buíochas ar leith tuillte ag Barbara McCormack, Leabharlann an Ruiséalaigh, a thug dom gach cabhair a bhí de dhíth orm agus mé i mbun taighde ar na lámhscríbhinní, agus a chuir an-spéis san obair a bhí ar bun agam. Roinn sí a cuid saineolais ar na cnuasaigh go fial liom, rud a rinne Audrey Kinch, Leabharlann an Ruiséalaigh, fosta. Níor cheart, ar ndóigh, gan aird a thabhairt ar an gcuidiú ar dóigh a thug na leabharlannaithe agus iarsmalannaithe seo dom fosta: Seán Conneally agus Eugene Roche, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath; an Dr Kath Stevenson, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Caoimhe Ní Ghormáin, Coláiste na Tríonóide; agus Kieran Hoare, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## Giorrúcháin

### 1. Ainmneacha Cnuasach Lámhscríbhinní

Mar gheall ar an méid tagairtí a dhéantar do lámhscríbhinní, b'éigean dom córas giorrúchán a úsáid do theidil na gcnuasach ina bhfuil na lámhscríbhinní ar caomhnú faoi láthair. Rinneadh iarracht cloí le giorrúcháin atá in úsáid go forleathan, ach b'éigean cuid acu a chumadh, i gcás na gcnuasach beag ach go háirithe. Maidir leis na huimhreacha a thugtar faoin gcolún *Treoir*. sa tábla thíos, is iad seo na cláruimhreacha a d'úsáid de Brún ina leabhar tagartha, *Lámhscríbhinní Gaeilge: Treoirliosta* (1988), leabhar ar a dtabharfar *Treoir*. feasta, áit a bhfuil tuilleadh eolais faoi chatalóga na gcnuasach seo, agus faoi fhoinsí tánaisteacha eolais eile. **Ní dhéantar** tagairt anseo do na catalóga sin **ach amháin** iad siúd a cuireadh ar fáil ó foilsíodh an *Treoir*. Áit ar bith ar cláraíodh lámhscríbhinní faoi uimhreacha rómhánacha,<sup>1</sup> tá uimhreacha arabacha déanta agam díobh, ach amháin i gcás uimhreacha seilfe lámhscríbhinní Stowe in Acadamh Ríoga na hÉireann, ó tharla go bhfuiltear á n-úsáid sa chruth sin go seasmhach le fada an lá.

Na cnuasaigh a bhfuil réiltín leo thíos, d'imigh siad ó thuairisc le céad bliain anuas ach is dóigh nach bhfuil siad caillte. Tá cóipeanna mionscannáin ar fáil de chuid acu sa Leabharlann Náisiúnta.

---

<sup>1</sup> Na lámhscríbhinní sa Leabharlann Phoiblí i mBéal Feirste ach go háirithe; féach nóta 12 thíos ar lámhscríbhinní Thorna.

Giorrúcháin *Treoir.* Cnuasaigh agus Fochnuasaigh (de réir uimhreacha tagartha  
an *Treoir.*)

ABB	412	Abbotsford House, Roxburgh, Alba. <sup>2</sup>
ARÉ	6	Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath.
BCM	36	Boston College, Chestnut Hill, Massachusetts. <sup>3</sup>
BNP	99	Bibliothèque Nationale, Páras. <sup>4</sup>
BR	25	Bibliothèque Royale Albert I <sup>er</sup> , An Bhruiséal.
C	31	Ollscoil Cambridge, Cambridge.
	—	Add. Additional.
CCM	90	Coláiste Mhic Cairthinn, Muineachán. <sup>5</sup>
CE	101	Coláiste Eoin, Port Láirge.
CM	18	Coláiste Mhaolmhaodhóg, Béal Feirste.
	1.	L Lámhscríbhinní Uí Laifeartaigh.
	2.	T Lámhscríbhinní Uí Thuathail. <sup>6</sup>

---

<sup>2</sup> ABB E2 an t-aon lámhscríbhinn de chuid an chnuasaigh atá i gceist agam. Bhí an lámhscríbhinn seo ar seachrán le fada, go dtí go bhfuarthas arís sa bhliain 1997 í. Féach an *Treoir.*, 88 §412, agus nóta 723 thíos.

<sup>3</sup> Déantar plé ar BCM 11 amháin—is é an t-alt a luaitear a bheith ‘le teacht’ sa *Treoir.* Nilsen (1985).

<sup>4</sup> Féach an t-eolas a thugtar in Peddie (1910).

<sup>5</sup> Tugaim CCM [C] ar an gcóip d’fhoclóir Uí Raghallaigh lenar chuir an tAth. Séamus Ó Dúiche breiseanna lámhscríofa. Tá cuntas ar an gcóip seo in Ó Dufaigh (1969).

<sup>6</sup> Thugtaí D4 agus D5 ar an dá lámhscríbhinn seo tráth. Is é an fáth a bhfuil an teideal seo orthu anois gur fhág baintreach Éamonn Uí Thuathail (1880-1956) ag an gColáiste iad sa bhliain 1956 tar éis bhás a fir chéile. Féach an *Treoir.*, 48 n.80 §196(10). Maidir leis an gcuid eile den chnuasach, agus na seanuimhreacha a bhíodh orthu, srl., féach Ó Muirí (1994: 514-17) agus nóta 13 thíos.

CMPL	45	Mainistir Chnoc Mellerí, Port Láirge. <sup>7</sup>
COBÁC	7	Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.
	—	A Lámhscríbhinní na mBráthar Mionúr: Sraith A. <sup>8</sup>
	—	B Lámhscríbhinní na mBráthar Mionúr: Sraith B. <sup>9</sup>
	5.	Add. Ir. Lámhscríbhinní breise.
	1.	C Lámhscríbhinní Uí Chomhraí.
	2.	F Lámhscríbhinní an Fheirtéaraigh.
	3.	L Lámhscríbhinní Uí Lochlainn.
	4. (a)	M Lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa. <sup>10</sup>

---

[Díreach lena chur síos, ba ar an 28 Iúil 1880 ag 131 Rathmines [Road], Ráth Maoinis, a rugadh Edward, mac le Terence O Toole agus Mary O Toole iníon O Driscoll, agus ní thart ar an mbliain 1883, mar a deirtear i gcónaí. Chláraigh a mháthair a theastas breithe an 16 Lúnasa 1880 (OAC, Cláruimhir: 8846152). Tugtar eolas i dtaobh na dtaifead seo i nóta 954; cosúil lena lán dá lucht comhaimsire, ní raibh Éamonn Ó Tuathail cinnte faoina dháta breithe].

<sup>7</sup> Chláraigh Ó Macháin (1991) na hocht lámhscríbhinn a bhí sa chnuasach an tráth sin (agus atá go fóill), mar aon le dhá lámhscríbhinn chaillte, CMPL 9 agus CMPL 10, atá ar seachrán le fada an lá. Tá cóipeanna díobh ar fáil ar mhionscannán P.4691 sa Leabharlann Náisiúnta. Ó rinneadh an clárú seo, fuarthas sé lámhscríbhinn eile (11-16) ó Cháit Ní Bhriain sula bhfuair sí bás sa bhliain 1995. Faoi Kate O'Brien atá 5 cinn acu liostaithe sa *Treoir.*, 40 §156. Rinneadh clárú ar CMPL 11-16 in Ó Macháin (1997), ach ní bhaineann siad le hábhar an tráchtais seo.

<sup>8</sup> Aistríodh na lámhscríbhinní ó Leabharlann na bProinsiasach i nDún Mhuire, Cill Iníon Léinín, Co. Átha Cliath go COBÁC sa bhliain 2000. Féach an *Treoir.*, 15 §43, mar a bhfuil eolas ar na catalóga. Tá seacht sraith déag lámhscríbhinní i gcnuasach na mBráthar Mionúr ar baisteadh A-Q orthu. Is i sraith A atá an t-ábhar Gaeilge; agus blúirí eile i sraith B—féach nóta 9 thíos; beagán i sraith D; agus cúpla blogh i leabhair chlóite—féach Dillon, Mooney & de Brún (1969: 132-5) agus Mhág Craith (1980: 339). Níl clárú déanta ar chuid mhaith de na sraitheanna eile go fóill, ach ní dócha go bhfuil mórán ábhar Gaeilge iontu.

<sup>9</sup> Tugtar treoir mhaith dóibh in Fennessy (1995). Breis agus céad lámhscríbhinn is trí fichid atá anseo, ach níl ach blúirí Gaeilge i gcorcheann acu, go bhfios dom. Seo iad—B7, B24, B76, B85, B92, agus B114 (Fennessy 1995: 154).

<sup>10</sup> Chláraigh Ó Muirgheasa (1905a; 1905b) seacht lámhscríbhinn déag faoi na huimhreacha 1-17, córas atá fós in úsáid den chuid is mó, agus lámhscríbhinn eile [? ag duine príobháideach an uair sin] ar a dtugann sé ‘Mac Cabe’s Manuscripts’ (Ó Muirgheasa 1905c).

Ó Muirgheasa (1905) Uimhreacha nua

	4. (b)	MA	Lámhscríbhinní breise Uí Mhuirgheasa.
COC	49		Coláiste Ollscoile Chorcaí, Corcaigh.
	1.	M	Lámhscríbhinní Uí Mhurchadha. <sup>11</sup>
	3.	C	Lámhscríbhinní Uí Chathaláin.
	4.	L	Lámhscríbhinní Uí Léighinn.
	5.	B	Lámhscríbhinní breise.
	6 [a].	T <sup>1</sup>	Lámhscríbhinní Thorna, [1-71]. <sup>12</sup>
	6 [b].	T <sup>2</sup>	Lámhscríbhinní (breise) Thorna, 1-35.
COFLA	—		Cardinal Ó Fiaich Memorial Library and Archive, Ard Mhacha. <sup>13</sup>

---

1-14	COBÁC M1-M14
15	COBÁC [M15 <sup>1</sup> ]**
16	COBÁC MA1
17	COBÁC M17
Mac Cabe	COBÁC M16 [(b)]
	COBÁC M15*

Níor cláraíodh aon cheann de lámhscríbhinní breise Uí Mhuirgheasa in 1905, ach an lámhscríbhinn a luadh sa liosta thuas toisc uimhir eile a bheith uirthi an uair sin.

\* An lámhscríbhinn ar a dtugtar COBÁC M15 sa lá atá inniu ann, is í seo an lámhscríbhinn de chuid Phádraig Mhic Gatháin a fuarthas ar dhíon tí i mBaile Úr [= Newtownhamilton], agus a bhí i seilbh Énrí Uí Mhuirgheasa am éigin sula bhfuair Hugh Kelly bás sa bhliain 1918; féach Caib. 1.1.3, sliocht 3, uimh. 7, áit a dtugtar nótaí Hugh Kelly (1954) ar an lámhscríbhinn. Cuireadh í leis an gnuasach sa bhliain 1974 nuair a fuarthas í i bpáipéir de chuid Uí Mhuirgheasa a bhí i seilbh a nia, Proinsias Ó Muirgheasa (Mac Labhraí 2005: 16-17; 2013: 255-6).

\*\* An lámhscríbhinn ar bhaist Ó Muirgheasa 15 uirthi, measadh le fada go raibh sí ar seachrán go dtí gur aimsigh Seán Mac Labhraí í i measc pháipéir Uí Mhuirgheasa. Ar an ábhar nach bhfuil catalóg chruinn de na páipéir sin ar fáil—páipéir atá i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath—tagraítear di mar COBÁC M15<sup>1</sup>. Níl san ainm seo, ar ndóigh, ach iarracht ar ainm neamhoifigiúil a sholáthar ar mhaithe le simplíocht. Tugtar eolas fúithi in Mac Labhraí (2005: 16-17; 2013: 255-6). 42 dhuilleog ó láimh Phádraig Uí Phronntaigh atá inti, mar aon le dhá dhuilleog i láimh scríobhaí eile istigh léi.

<sup>11</sup> Tugtar cuntas iomlán orthu seo in Ó Conchúir (1991).

<sup>12</sup> Chláirigh de Brún (1967) an dá shraith lámhscríbhinní faoi uimhreacha rómhánacha agus arabacha faoi seach, agus bainim úsáid as T<sup>1</sup> anseo le haghaidh na chéad sraithe, le huimhreacha rómhánacha a sheachaint.

<sup>13</sup> Aistríodh deich lámhscríbhinn ar fhichid de chuid chnuasach Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad, go dtí COFLA, iarsmalann Dheoise Ard Mhacha, sa bhliain 2003, mar gheall ar na coinníollacha faoinar fhág an Caird. Tomás Ó Fiaich (1923-1990) i Maigh Nuad den chéad uair iad sa



	—	[B]	Lámhscríbhinní breise.
	—	D	Lámhscríbhinní Uí Dhomhnalláin, 1-3, 6-14.
	—	F	Lámhscríbhinní Uí Fhiaich.
	—	L	Lámhscríbhinní Uí Laifeartaigh, 12[-13], 15.
	—	MF	Lámhscríbhinní L. Uí Mhuireadhaigh.
CPD	55		Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath.
CT	8		Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. <sup>14</sup>
CV	104		Biblioteca Apostolica Vaticana, An Róimh. <sup>15</sup>
DE	57		Ollscoil Dhún Éideann, Dún Éideann.

---

bhliain 1977. Diomaite de go bhfuil an bhliain 2003 curtha síos mar dháta aistrithe i dtaifid Leabharlann an Ruiséalaigh, dealraíonn sé nár shroich na lámhscríbhinní COFLA go dtí an bhliain 2006 (Ní Úrdail 2018: 70 *n.5*). Mo bhuíochas le Barbara McCormack, Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad, a thug roinnt eolais dom i dtaobh na lámhscríbhinní sin i litir dar dáta 30 Márta 2017. Féach fosta Ó Muirí (2011), áit a dtugtar liosta úr de na lámhscríbhinní seo, atá liostaithe cheana sa *Treoir.*, 25-7, faoi §§81(4) [= D1-D3, D6, D9-D14], 81(5) [= F1-F2], 81(7) [= L12[-L13], L15; féach nóta 1776 thíos], 81(9) [= MF1-MF14], 314(14) [= D8, féach *Treoir.*, 72 *n.120* §314(14)], 336 [= D7]. Thángthas ar D7-D8 ó shin i bpáipéir Thomáis Uí Fhiaich, agus tá siad in COFLA anois, áit ar chláraigh Diarmaid Ó Doibhlin nach maireann iad—féach Ó Doibhlin (1999-2000). Tá cuntas gearr orthu, ar dhá fháltas eile—COFLA [B1] agus [B2]—agus ar an dóigh a bhfuair COFLA seilbh orthu, in Ó Muirí (2011), áit a gcloítear leis na sraitheanna agus uimhreacha cláraithe a d’úsáid an Moins. Ó Fiannachta, mar a rinneadh anseo. Tugaim B1 agus B2 ar an dá lámhscríbhinn eile sin toisc nár cláraíodh i gceart go fóill iad; tugtar B1 ar an lámhscríbhinn a ghráf Aodh Mhac Domhnaill [2] idir na blianta 1852 agus 1856, agus B2 ar an gcóip d’fhoclóir Mhic Crúitín a scríobh Patrick Kelly sa bhliain 1787. Na ceithre lámhscríbhinn eile de chuid shraith Uí Dhomhnalláin, D15-D18, is lámhscríbhinní iad a ghráf scoláirí Gaeilge san 20ú hAois, agus ní ghlactar leo mar lámhscríbhinní traidisiúnta, mar sin. Gheofar nóta orthu in Ó Muirí (1994: 516-17). Deir Ó Muirí (2011: 71) go bhféadfaí D19 a thabhairt ar COBÁC A49 ach cloítear leis an teideal oifigiúil anseo. Ní beag eile—tá COFLA MF13 áirithe faoi dhó sa *Treoir.*, uair amháin san áit a mbeifí ag súil léi, *Treoir.*, 26 §81(9); agus ar lch 42 §170 faoi ainm an Chaird. Tomás Ó Fiaich, mar gheall ar nóta Uí Bhuachalla (1968: 283).

<sup>14</sup> De bhreis ar a bhfuil sa *Treoir.*, 5 §8, tá cuntas ar chuid mhaith lámhscríbhinní a fuarthas le tríocha bliain anuas ar fáil ar bhunachar MARLOC. Mo bhuíochas le Caoimhe Ní Ghormáin, Roinn na Lámhscríbhinní, Coláiste na Trionóide, a scríobh nóta chugam ina dtaobh, an 15 Feabhra 2017.

<sup>15</sup> Cláraíodh na lámhscríbhinní sin in Mac Aodhagáin (1954). Tá nótaí úsáideacha ar lámhscríbhinní Gaeilge sa Róimh in Mac Fhinn (1930), agus in Ó Casaide (1930*b*; 1931*a*). Féach fosta Ó Duinnín (1917).

		— Gen.	General.
HLSM	110	Henry E. Huntington Library, San Marino, California.	
HUL	32	Harvard University Library, Cambridge, Massachusetts.	
IA	9	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.	
KBC	47	Kongelige Bibliotek, Copenhagen.	
LB	72	Leabharlann na Breataine, Londain.	
		— Eg.	Egerton.
		— Add.	Additional.
		— Sl.	Sloane.
		— Harl.	Harley.
LBO	97	Leabharlann Bodleian, Oxford. <sup>16</sup>	
		— Ir.	Irish.
		— Rawl.	Rawlinson.
LC	34	Leabharlann na Cathrach, Cardiff.	
LEM	14	Leabharlann an Easpaig Marsh, Baile Átha Cliath.	
LHC	33	Henry Wadsworth Longfellow House, 105 Brattle St., Cambridge, Massachusetts.	
LJR	83	Leabharlann John Rylands, Manchain. <sup>17</sup>	

---

<sup>16</sup> Tá mionchuntas ar na lámhscríbhinní seo in Ó Cuív (2001); agus innéacs don chlár sin in Ó Cuív (2003).

		—	Ir.	Irish.
LN	13		An Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.	
		—	G	Gaelic. <sup>18</sup>
LNA	56		Leabharlann Náisiúnta na hAlban, Dún Éideann.	
LNBB	2		Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige, Aberystwyth.	
LPBF	19		An Leabharlann Phoiblí, Béal Feirste.	
LPH	69		Leabharlann Ollscoil Learphoill, Learpholl.	
LPL	73		Lambeth Palace Library, Londain.	
LPNE	94		An Leabharlann Phoiblí, Nua-Eabhrac.	
		—	MSS. Col.	Manuscripts Collection.
LSAA	—		Leabharlann Staire Áitiúla, Ard Mhacha. <sup>19</sup>	
ML	76		Coláiste Naomh Mel, An Longfort.	
MN	81		Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Cill Dara.	

<sup>17</sup> Níl clár cuimsitheach ar fáil do na lámhscríbhinní seo ach a bhfuil san *Hayes Cat.*, 709 col. b – 711 col. b, cé go bhfuil plé ginearálta orthu in Mac Peaircín (2006), agus nótaí ar LJR Ir. 22—ceann de na lámhscríbhinní a cuireadh i dtrácht anseo—in Sharpe (2017b). Tiomsaíodh cuntais lámhscríofa eile ar dhornán acu sa dá aois seo caite: (1) MN C94, mar shampla, nótaí a scríobh D. H. Kelly, iarshealbhóir ar a bhformhór, ar fhoréileamh Eoghain Uí Chomhraí sa bhliain 1853; agus (2) bhí John Strachan ag obair ar chlár díobh thart faoin am a bhfuair sé bás.

<sup>18</sup> Áirítear 1425 lámhscríbhinn a bheith sa tsraith seo anois, cé nach lámhscríbhinní ó cheart cuid acu, agus is páipéir scoláirí a lán eile acu; ó foilsíodh an *Treoir.*, cuireadh fasciculi 11-13 i gcló, agus fágann sin go bhfuil LN G1-G773—seachas cúpla ceann acu atá imithe ó thuairisc—cláraithe go mion anois. Tabhair faoi deara go bhfuil dhá lámhscríbhinn de chuid an Tuaiscirt a deirtear a bheith i seilbh phríobháideach sa *Treoir.* i gcnuasach na Leabharlainne Náisiúnta anois; LN G1304 [= *Treoir.*, 43 §179, a cuireadh ar ceant in 2001 agus a bronnadh ar an Leabharlann Náisiúnta go gairid ina dhiaidh sin]; agus LN G1423 [= *Treoir.*, 40 §157, [4], lámhscríbhinn Aodha Mhic Cába: bhronn an tOll. Breandán Ó Buachalla nach maireann í ar an Leabharlann sa bhliain 2009 go gairid sular cailleadh é].

<sup>19</sup> Lámhscríbhinn amháin atá sa chnuasach seo a ghráf Art Mhac Bionaid sa bhliain 1817; bhí sí ag P. agus B. Rowan, díoltóirí leabhar, Béal Feirste, sa bhliain 1988 (féach an *Treoir.*, 45 §188). Tá nótaí ar ábhar na lámhscríbhinn seo agus cóipeanna de na colafoin atá inti in Ó Muirí (1994: 76-7).

	15.	B	Lámhscríbhinní breise.
	3.	C	Lámhscríbhinní Uí Chomhraí.
	10.	LM	Lámhscríbhinní R. Uí Mhuireadhaigh.
	11.	M	Lámhscríbhinní Uí Mhurchú.
	12.	R	Lámhscríbhinní Uí Reineacháin.
NE	3		Northumberland Estates Office, Alnwick Castle, Sasana.
	—	P	Páipéir Percy.
OB	20		Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.
	1.	B	Bunting. <sup>20</sup>
	—	G	Gaeilge. <sup>21</sup>

<sup>20</sup> Gheofar cuntas iomlán ar ábhar na lámhscríbhinní seo in Moloney (2000).

<sup>21</sup> Cláraítear na lámhscríbhinní caillte anseo, OB G1-G13, G15-G16, G18, a bhfuil fáil orthu ar mhionscannán P.486 sa Leabharlann Náisiúnta, de ghrá na simplíochta féin. Tugtar nóta orthu sa *Treoir.*, 73 §321. Is doiligh teacht ar aon chinneadh faoin dóigh ar shroich nó ar fhág na lámhscríbhinní seo Ollscoil na Banríona sa chéad áit, ná cá huair go díreach a tharla sé sin, ach gur dócha gur de chnuasach Young iad. Cé go dtuigfí as nóta faoi cheann acu in Beckett (1967: 291) nach raibh ní ar bith tar éis baint díobh ach oiread an uair a bhí seisean ag déanamh staidéir orthu, bhí siad imithe faoin am ar priontáladh Ó Buachalla (1968), agus is eol dúinn go raibh baint measartha láidir ag beirt scoláirí de chuid na hollscoile leo, Owen McKernan (1913-1945), agus Seán Mac Airt (1918-1959). Ní fios dom cá fhad a bhí Beckett i mbun taighde ar an leabhar sin, ná cá fhad a bhí sé ag na clódóirí. Is soiléir ó chuid de na hait a scríobh McKernan (1941-2; 1941-2a; 1941-2b) go raibh fáil aige ar an gnuasach faoin am (1941-2) a raibh na hait sin á réiteach don chló aige, sin agus go raibh OB G3, G6, G16 agus G17, agus cuid eile acu, ar a laghad féin, i seilbh Roinn na Ceiltise, dar leis, faoin am sin. Nuair a cóipeáladh na lámhscríbhinní sin sa Leabharlann Náisiúnta thart ar an mbliain 1951, cuireadh síos do Leabharlann Ollscoil na Banríona iad san *Hayes Cat.*, 648 col. a – 648 col. c. Cúpla bliain ina dhiaidh sin, nuair a bhí Breandán Ó Buachalla i mbun taighde ar a mhórshaothar, bhí siad imithe ar seachrán. Is follas ón mbreacadaíl atá orthu go mbídís i seilbh Roibeaird Mhic Ádhaimh tráth, agus deirtear gur chuid iad den bhaicle lámhscríbhinní a fuair Young sa Soho Foundry (Ó Buachalla 1968: 285-6, 294 n.2) tar éis tine a tharla ann cúpla bliain i ndiaidh do Roibeard Mac Ádhaimh a fháil bháis an 3 Eanáir 1895. Tá cuntas ar chuid eile acu (12 lámhscríbhinn) nár shroich Ollscoil na Banríona, agus a bhí i gnuasach Young ar an 4 Lúnasa 1919, in Ó Muireadhaigh (1974). Is féidir, mar a mhínigh an Dr Kath Stevenson, Leabharlann Ollscoil na Banríona, dom i litir dar dáta 13 Eanáir 2017: (1) nár bronnadh go buanseasmhach ar an leabharlann iad, agus gurbh é an Dr Seán Mac Airt (1918-1959), ball de Roinn na Ceiltise an uair sin, a d'fhág sa leabharlann go sealadach iad; nó (2) nach raibh i gceist san *Hayes Cat.*, 648 col. a – 648 col. c, ach gur tháinig na lámhscríbhinní ón ollscoil, agus gan an scéal iomlán a bheith ar eolas ag lucht na Leabharlainne Náisiúnta. Bheadh

	3.	—	Roinn na Ceiltise.
OCH	37		Ollscoil Chicago, Chicago.
OÉG	62		Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
	1.	H	Lámhscríbhinní de hÍde.
	2.	B	Lámhscríbhinní breise. <sup>22</sup>
ÓR	10		Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath.
OS	112		Ollscoil Sheffield, Sheffield. <sup>23</sup>
PRONI	21		Public Record Office of Northern Ireland, Béal Feirste.
SLVM	85		State Library of Victoria, Melbourne.
	1.	MS	Manuscripts.
	2.	MS RARES	Rare Manuscripts.
SPAA	—		Lámhscríbhinn Alexander Ashworth. <sup>24</sup>
SPAM*	145		Lámhscríbhinní Aibhistín Mhic Amhlaigh. <sup>25</sup>
SPB	131		Lámhscríbhinní Phádraig de Brún.

---

tuairim agam, agus ní agamsa amháin, gur le Roinn na Ceiltise iad an uair sin, nó b'fhéidir le Seán Mac Airt go dtí go bhfuair sé bás. Ba é Seán Mac Airt, an té a chuir an *Leabhar Branach* in eagar, a scríobh an 'Appeal for the Preservation of Ulster Gaelic MSS' in Arthurs (1950). Cnuasach de chatalóga a scríobh Peadar Ó Gealacáin agus Roibeard Mac Ádhaimh ab ea í OB G14, agus b'aiste ar Shéamus Mac Cuarta í OB G17 a scríobh Aodh Mhac Domhnaill [2], measaim, in ainneoin a ndeir McKernan (1941-2a: 186) faoin bpeannaireacht. Gheofar cóip den aiste in McKernan (1941-2a: 186-8).

<sup>22</sup> Rinneadh clárú ar OÉG B175, lámhscríbhinn leighis de chuid an Tuaiscirt a grafadh am éigin idir an 16ú hAois agus an 17ú hAois, in Nic Dhonnchadha (2013).

<sup>23</sup> Ní uimhreacha seilfe iad siúd a thug Curtis (1934); OS 17 an teideal ceart ar lámhscríbhinn 2 sa liosta gearr sin.

<sup>24</sup> Gheofar catalóg d'ábhar na lámhscríbhinne seo, agus nótaí ar na scríobhaithe in de Brún (1999). Ní raibh faill agam an lámhscríbhinn seo a scrúdú.

<sup>25</sup> Ar seachrán faoi láthair; féach nóta 154 thíos.

SPD	165	Lámhscríbhinn Úna Ní Dhálaigh. <sup>26</sup>
SPE	[148]	Lámhscríbhinn Choilm Mhic Eoin, Ráth Chairn, An Mhí. <sup>27</sup>
SPM	178	Lámhscríbhinní Maura Uí Mhórdha, Muinchille, Co. an Chabháin. <sup>28</sup>
SPN	154	Lámhscríbhinn M. R. Nixon, Baile Uí Mhornáin, Co. na Mí. <sup>29</sup>
SPP*	—	Páipéir Patrick Dolan, Baile Gall, Co. Lú. <sup>30</sup>
SPU*	401	Lámhscríbhinn (gan uimh.) i seilbh an Mharcais Urmhumhan. <sup>31</sup>

## **2. Noda ar Fhoilseacháin a Úsáidtear go Coitianta**

<i>Nod</i>	<i>Tagairt</i>
<i>Beath.</i> 1560-1781	Ní Mhurchú & Breathnach 2001.
<i>Beath.</i> 1782-1881	Ní Mhurchú & Breathnach 1999.
<i>Beath.</i> 1882-1982, 1	Breathnach & Ní Mhurchú 1986.

<sup>26</sup> Níl a fhios agam céir leis í anois, ach bhain mé leas as an gcóip atá sa Leabharlann Náisiúnta, P.6980.

<sup>27</sup> Seo ‘Lámhscríbhinn Staire an Bhionadaigh’, a bhí i seilbh Bhreandáin Mhic Eoin sna 1970í—féach Ó Muirí (1978), Ó Muirí (1994), agus an *Treoir.*, 39 §148. Tá mé fíorbhuíoch don Dr Eoghan Ó Raghallaigh a thug an t-eolas seo dom, an 6 Deireadh Fómhair 2016.

<sup>28</sup> Féach go bhfuil tagairtí do chóipeanna díobh sa *Treoir.*, 43 §178, áit ar scríobh de Brún go raibh siad i seilbh bhaintreach Bhriain Uí Mhórdha, agus is eol dúinn gurbh ag Brian a bhídís ó 1942 (Moore 1953-5a: 275) go dtí a bhás. Más fíor don bheagán eolais a tháinig i mo threo ina thaobh, cailleadh Brian sa bhliain 1986—deirtear in Livingstone (1980: 642) gur saolaíodh é sa bhliain 1924 ag Redhills i gCo. Mhuineacháin, agus deirtear san fhógra báis a cuireadh i gcló ar an *Clogher Record* (1986-7) gur fhág sé baintreach darb ainm Maura ina dhiaidh. Bheadh na ceithre scór agus a dhúthracht sáráithe aici, is dóigh, faoi láthair, agus níl a fhios agam cá bhfuil an dá lámhscríbhinn seo.

<sup>29</sup> Déantar plé ar an lámhscríbhinn seo in Quin (1961-3).

<sup>30</sup> Féach an cuntas ar an té a scríobh na giotaí Gaeilge a bhí istigh leis na páipéir seo, Séamus Ó Dobhailin, i gCaib. 2.146.

<sup>31</sup> Is mór an trua go bhfuil an lámhscríbhinn bhunaidh ar iarraidh le fada an lá anois, ach tá cóip dhílis den ábhar, agus nótaí ar an scríobhaí, in Mhág Craith (1967: 237-40; 1980: 228).

- Beath.* 1882-1982, 4 Breathnach & Ní Mhurchú 1994.
- B.M. Cat.* O'Grady 1926 (iml. 1); Flower 1926 (iml. 2); Flower 1953 (iml. 3).
- de Búrca Cat.* Catalóg lámhscríofa a réitigh Áine de Búrca, 1926-7, de lámhscríbhinní Dhubhglais de hÍde (68 gcinn acu), ar a dtugtar OÉG H1 – OÉG H68 anois (cuid acu ar iarraidh).
- Gaelic MSS. N.L.I.* Lámhliosta gan dáta gan údar dar teideal *Gaelic Manuscripts in the NLI*. Ar fáil sa Seomra Léitheoireachta, Roinn na Lámhscríbhinní, An Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- Hayes Cat.* Hayes 1965.
- Hayes Supp.* Hayes 1975.
- M.N. Cat.* Ó Fiannachta 1967 (fasc. 4); Ó Fiannachta & Ó Maoileachlainn 1968 (fasc. 5); Ó Fiannachta 1969 (fasc. 6); Ó Fiannachta 1972 (fasc. 7); Ó Fiannachta 1973 (fasc. 8).
- N.L.I. Cat.* Ní Shéaghdha 1967 (fasc. 1); Ní Shéaghdha 1961 (fasc. 2); Ní Shéaghdha 1976 (fasc. 3); Ní Shéaghdha 1977 (fasc. 4); Ní Shéaghdha 1979 (fasc. 5); Ní Shéaghdha 1980 (fasc. 6); Ní Shéaghdha 1982 (fasc. 7); Ní Shéaghdha 1984 (fasc. 8); Ní Shéaghdha 1986 (fasc. 9); Ní Shéaghdha 1987 (fasc. 10); Ó Macháin 1990 (fasc. 11); Ní Shéaghdha 1990 (fasc. 12); Ó Macháin & Ní Shéaghdha 1996 (fasc. 13).

<i>OAC</i>	Oifig an Ard-Chláraitheora. <sup>32</sup>
<i>R.I.A. Cat.</i>	O’Rahilly 1926 (fasc. 1); Mulchrone 1928 (fasc. 2); Byrne 1928 (fasc. 3); Mulchrone 1929 (fasc. 4); Delargy & Mulchrone 1930 (fasc. 5); Mulchrone & FitzPatrick 1932 (fasc. 7); Duncan 1932 (fasc. 8); FitzPatrick 1933 (fasc. 9); Wulff & Mulchrone 1933 (fasc. 10); FitzPatrick 1934 (fasc. 12); FitzPatrick 1935 (fasc. 14); FitzPatrick 1935 <i>a</i> (fasc. 15); Mulchrone 1935 (fasc. 16); Duncan 1935 (fasc. 17); Murphy & Wulff 1935 (fasc. 18); Mulchrone 1936 (fasc. 19); Mulchrone 1936 <i>a</i> (fasc. 20); FitzPatrick 1936 (fasc. 21); Mulchrone 1937 (fasc. 22); FitzPatrick & Mulchrone 1938 (fasc. 23); FitzPatrick 1938 (fasc. 24); Murphy & FitzPatrick 1940 (fasc. 25); Mulchrone 1942 (fasc. 26); Mulchrone & FitzPatrick 1943 (fasc. 27); Ó Concheanainn 1970 (fasc. 28).
<i>T.C.D. Cat.</i>	Abbott & Gwynn 1921.
<i>Treoir.</i>	de Brún 1988.
<i>Tuarascáil</i> 1824	Commissioners of Irish Education Inquiry, 2nd Report ( <i>Parliamentary Papers</i> 1826-7 (12) XII), Appendix 22: Abstract of Parochial Returns of Schools from Protestant and Catholic Clergy, Autumn 1824, Arranged by County, Barony, Parish, Townland.
<i>Tuarascáil</i> 1834	Commissioners of Public Instruction, Ireland, 2nd Report ( <i>Parliamentary Papers</i> 1835 (47) XXIV, part 1): Returns of

---

<sup>32</sup> Féach nóta 954, áit a dtugtar míniú ar an tagairt seo, agus an Leabharliosta, cuid 4.



Schools, Arranged by Established Church Diocese, Benefice,  
Parish.

### 3. Comharthaí Eagarthóireachta

[ ]	Focal ar lár sa lámhscríbhinn
[.]	Litir dholéite
[...]	Focail nó litreacha doléite
[xx]	Litreacha a fágadh ar lár agus a soláthraíodh ar mhaithe le soiléire
[xx]	Litreacha a cealaíodh sa lámhscríbhinn <sup>33</sup>
[— xx]	Leasuithe a scríobhadh thar fhocail a cuireadh ar ceal
<...>	Focail nó litreacha in easnamh mar gheall ar dhochar
<xx>	Litreacha in easnamh ar an ábhar céanna agus a soláthraíodh
()	Litir sa bhreis

---

<sup>33</sup> Níor úsáideadh seo ach nuair a bhí gá mór leis anseo. Chuathas tharstu i ngach áit eile.

## Nótaí Teicniúla

Ní thugtar thíos ach an t-eolas atá riachtanach, dar liom, le go dtuigfidh an léitheoir scóip agus ábhar an tráchtais. Do nótaí teicniúla eile a phléann an dóigh ar láimhseáladh catalóga, dátaí agus logainmneacha, sleachta as lámhscríbhinní agus sloinnte, féach Aguisíní 1-4.

### 1. Scóip an Tráchtais

Beathaisnéisí a sholáthar ar scríobhaithe traidisiúnta an Tuaiscirt ó thús ré na Nua-Ghaeilge<sup>34</sup> a bhfuil toradh a saothair againn go fóill is príomhchuspóir don tráchtas seo. Thug mé in amhail, agus mé ag tosú ar an tráchtas seo a scríobh, beathaisnéisí a chur le chéile ar na pátrúin ar an modh céanna is a phléigh mé na scríobhaithe féin. Chonacthas dom sa deireadh thiar thall gur rófhairsing mar ábhar taighde é. Is é cinneadh a rinne mé faoi dheoidh cuntas gearr a thabhairt orthu áit a dtagann siad i gceist go nádúrtha, is é sin, i mbeathaisnéisí na scríobhaithe. Sa chás gur scríobhadh leabhair nó ailt ar an bpátrún cheana féin, ní raibh aon rud ab fhiúntaí liom a dhéanamh, creidim, ná abairt mhínithe nó dhó a scríobh ar na foilseacháin sin, agus an léitheoir a chur ina dtreo. Mheas mé fosta nach raibh aon rud ab inleanta dom ná an leagan amach a d'úsáid Breandán Ó Conchúir ina mhórshaothar, *Scríobhaithe Chorcaí* (1982), cé go ndearna mé corrathrú air thall is abhus. Fágann sin nár mhiste míniú éigin a thabhairt ar an gceantar atá i dtrácht agam sa tráchtas seo, is é sin, na

---

<sup>34</sup> Áit ar bith a ndéantar trácht ar thréimhse na Nua-Ghaeilge sa tráchtas seo, is don tréimhse ó 1650 go dtí an lá inniu atáthar ag tagairt; tagraíonn na téarmaí ‘an Nua-Ghaeilge Mhoch’ nó ‘an Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’ don tréimhse 1200-1650.

teorainneacha a ghlac mé chugam ó thaobh cúrsaí ama agus geograife de, agus ansin ar an rud is scríobhaí ann, de réir mar a úsáidtear an téarma sa tráchtas seo.

## 2. Sainiú an Cheantair

Bhí dhá phríomhchritéar agam a fhad is a bhí mé ag iarraidh teacht ar réiteach maidir leis an líon contaetha nó dúichí a bheadh faoi chaibidil agam: (i) go mbeadh na teorainneacha sothuigte don té nach mbeadh mioneolas aige ar thopagrafaíocht an Tuaiscirt, ná ar sheanlimistéir ar nós Oiriaila,<sup>35</sup> Bréifne, srl.; agus (ii) gur de réir ábhar na lámhscríbhinní féin a dhéanfaí an cinneadh sin, sa dóigh nach dtiocfadh sé salach ar shainmhínte na scoláirí Gaeilge a rinne taighde sa ghort seo go dtí seo. Is í an deacracht is mó a bhaineann le sainiú na dteorainneacha go bhfuil dhá phríomhdhúiche dhoiléire againn inar leanadh den scríobh le fada—Oiriaila agus Bréifne—agus go bhfuil timpeall orthu siúd dúichí imeallacha nach bhfuil againn uathu ach saothar scríobhaí nó beirte, b'fhéidir, an ceann acu.

Ar scáth an chéad chritéir anseo, luíonn sé le céill go socrófaí méid an cheantair liteartha ar bhonn teorainneacha contaetha.<sup>36</sup> Bheadh an scéal ina chíor thuathail dá leagfaí amach na teorainneacha ag leibhéal na mbarúntachtaí nó na bparóistí, agus is ar éigean a bheadh teorainn mhionsonraithe den chineál sin ina cuidiú dúinn, cibé rud é, tharla a scaipthe atá an beagán lámhscríbhinní atá againn ó na dúichí lasmuigh de chroílár Oiriaila agus Bhréifne. Baintear úsáid as dhá chóras leis an Tuaisceart a roinnt ina chodanna de réir an ábhair atá á phlé, is é sin, córas amháin arna bhunú ar phointí an chompáis, m.sh. Oirdheisceart Uladh, Iarthuaisceart Uladh, Tuisceart Laighean, srl., agus córas eile a tógadh ar sheandúichí an Tuaiscirt, m.sh. Oiriaila,

---

<sup>35</sup> Déantar plé ar dheacrachtaí a bhaineann le logainmneacha an Tuaiscirt in Aguisín 2.

<sup>36</sup> Cé gur sháraigh mé an riail seo uair amháin—féach nóta 44 thíos, agus an cuntas ar scríobhaithe Bhaile Átha Cliath i gCaib. 1.4.6.1.

Bréifne, Tír Chonaill, Tír Néill, srl. B'fhearr dá bhféadfaí an dá chóras sin a thabhairt le chéile anseo. Is féidir linn tosú leis an sainmhíniú is déanaí atá againn ar an gceantar ina raibh 'lámhscríbhinní an Tuaiscirt' á gcóipeáil, an ceann a tugadh in Ó Baoill (2007): Co. na Mí, Co. na hIarmhí, Co. an Longfoirt, Co. Lú; Co. Ard Mhacha, Co. Mhuineacháin, Co. an Chabháin, Co. an Dúin, Co. Aontroma, Co. Dhoire, Co. Thír Eoghain, Co. Fhear Manach, agus Co. Dhún na nGall. Thuigfí ó na nótaí mínithe a thugann Colm Ó Baoill ar an gceist seo nár fhéad sé teacht ar shocrú ab ábhar sásaimh dó amach is amach, áfach,

Bhí sé deacair agam socrú a dhéanamh an leigfinn cathair Bhaile Átha Cliath isteach sa chuntas, nó Uíbh Fhailí ina raibh mainistir Chluain Mhic Nóis. Is léir go raibh dlúthcheangal idir scríobhaithe na Mí agus Tadhg Ó Neachtain, Risteard Tuibéar agus a leithéidí i mBaile Átha Cliath san ochtú haois déag; ach bhí scríobhaithe Muimhneacha sa chathair fosta san am sin—ní féidir, mar sin, an lipéad 'tuaisceartach' a chur ar gach lámhscríbhinn a scríobhadh sa chathair. Sa deireadh b'éigean domh líne a tharraingt, dar liom, áit éigin i gCúige Laighean, agus lean mé líne na gcanúintí mar a thuig an Rathileach é (O'Rahilly 1932: 8), líne a chuireas na contaethe Lú, an Longfort, an Mhí agus an Iarmhí sa limistéar chéanna le Cúige Uladh (féach Ó Buachalla 196[8]: 7-10) agus a fhágas Baile Átha Cliath agus Uíbh Fhailí ar an taobh amuigh.<sup>37</sup>

Léiríonn an cuntas gearr seo cuid de na deacrachtaí a bhaineann leis an gceist seo. Chomh fada siar leis an mbliain 1926, chaith Robin Flower solas ar na ceangail a bhí idir traidisiún an Tuaiscirt agus cuid de na scoláirí Gaeilge a bhí ag saothrú leo i gCo. an Longfoirt agus sna contaetha sin i bhfíoroirthear Chúige Chonnacht,

At the end of the 16th cent. the main production of poetry had been by poets of the North... This activity was continued, though in a necessarily less elaborate form, more particularly in the border counties of Leinster and Ulster: Louth, Meath, Westmeath; Down, Armagh, Monaghan, Fermanagh, Cavan. The MSS. under consideration also draw to some extent on the more easterly parts of Connaught: Roscommon, Leitrim and Sligo. Here such

---

<sup>37</sup> Ó Baoill (2007: 77).

patrons as the O'Conors of Belanagare, Tadhg Ó Rodaighe of Crossfield, co. Leitrim..., and Toirrdhealbhach Mac Donnchadha of Corann, co. Sligo..., did much to help the native men of letters. But the Ulster-Leinster district seems to maintain its primacy into the 18th cent.<sup>38</sup>

An dara córas seo, córas na ndúichí, tá sí in úsáid chomh fada siar le blianta luatha na hAthbheochana, agus b'fhéidir gur fóirsteanaí don chineál seo oibre é, mar a mheas Ó Buachalla (1969: 8 *n.2*). Níor mhiste súil a chaitheamh ar chuid de na sainmhínithe a tugadh ar Oiriaila agus ar Bhréifne ar dtús, agus déanamh dá réir, chomh fada agus is féidir linn. Féachaimis i dtús áite ar an sainmhíniú ar Oiriaila a thug Seosamh Laoide i bhfíorthús na haoise seo caite,

Although sometimes called East Ulster, Óirghialla or Oriel is the most convenient name to give to the territory of the dialect of Irish of the counties of Monaghan, Armagh and Louth... To these may be added Tír Néill (Tyrone and South Derry) as an outlying division of the same form of speech, and it would seem that even in a district so distant as Innishowen some of its peculiarities occur, ... but North Donegal generally is often nearer to Oriel in speech than is South Donegal... Westward the same peculiarities appear to extend to Leitrim, in which, I have been told, *inn* and *ibh* are the accusative forms of *sinn* and *sibh*.

Meath describes very well the habitat of another variety of the same form of speech, still known to a few in the counties of Meath and Cavan. It is essentially the same in idioms and inflections; also, the same MS. literature and folk-lore was current there; but, as a few grammatical usages and several of the sounds differ, it should be classed separately as a sub-division. The barony of Farney, though part of ancient Oriel, shows an occasional agreement with Meath, and hence may be regarded in some degree as a borderland between the two varieties.<sup>39</sup>

Tagann sin, píosa maith, leis an sainmhíniú is iomláine atá againn, an ceann a tugadh in Ó Buachalla (1969), agus a mbeadh claonadh agam taobhú leis,

---

<sup>38</sup> *B.M. Cat.*, ii, 49-50.

<sup>39</sup> Laoide (1905: 203).

Ó thaobh na gcontaethe de is é an limistéar atá i dtreis agam deisceart an Dúin, Contae Ard Mhacha, Contae Lú agus tuaisceart na Mí—ceantar a dtabharfadsa Oiriaila feasta air.<sup>40</sup>

Thíos faoin méid sin, tá i bhfonóta,

Tuigim nach bhfuil sé cruinn ar fad de réir na staire Oiriaila a thabhairt ar an gceantar so ach is áiseach an téarma é agus is fearr i bhfad é ná ‘an taobh thoir theas de Chúige Uladh’ nó ‘the North Leinster-South East Ulster border area’.

Nílím i gcumas—go fóill pé scéal é—teorainn an cheantair a leagadh amach go cruinn agus b’fhéidir gur cheart cuid de Cho. an Chabháin agus cuid de Cho. Mhuineacháin a áireamh sa limistéar chomh maith.<sup>41</sup>

Is soiléir, creidim, go gcaithfear Co. Mhuineacháin a ligean isteach anseo, tharla go raibh an cineál litríochta céanna á chóipeáil ann agus a bhí á ghrafadh sna contaetha eile atá áirithe ag Ó Buachalla. D’fhág scríobhaí amháin de chuid an chontae sin, Séamus Mac Giolla Ruaidh, dán le Séamus Mac Cuarta againn a grafadh in iarthuaisceart an chontae, i mBaile an Scotaigh, agus cóipeáladh téacs eile leis i gCluain Eois thart ar an am céanna fosta. Tobar iontach téacsanna de chuid Oiriaila is ea í COBÁC A39 fosta, lámhscríbhinn ar ghraf an tAth. Brian Ó Cathaláin a formhór. Téann Ó Fiaich (1970) agus Watson (1979) le teorainneacha Uí Bhuachalla a bheag nó a mhór, ach tá déanta amach ag scríbhneoir eile le déanaí, Ní Uallacháin (2003), gur ceart cuid de Cho. an Chabháin a lua anseo fosta,

Oriel is now an undefined territory roughly stretching from north Meath to north Louth and south Down, west to Cavan, Monaghan and south Armagh. In relation to the song and literary tradition it is mainly concentrated on south Armagh, north Co. Monaghan and the coastal Omeath area of the Cooley

---

<sup>40</sup> Ó Buachalla (1969: 8). Bheadh daor ar an té, go deimhin, a dhéanfadh neamart de thaighde an scoláire údarásaigh sin. Féach fosta nóta Williams (1994: 470), cé go mbaineann sé díreach le cúrsaí canúna amháin seachas lámhscríbhinní, ‘Gaeilge Oiriaila a labhraítí i gCo. na Mí agus i gCo. Lú’.

<sup>41</sup> Ó Buachalla (1969: 8 *n.2*).

peninsula in Co. Louth. Though parts of it physically belong to Leinster, the poets and scribes of the area, from the middle of the seventeenth century to the middle of the nineteenth century ... cultivated Ulster literature.<sup>42</sup>

Is deimhin gur gaire do thraidisiún lámhscríbhinní Oiriaila cuid de na lámhscríbhinní a grafadh sa taobh thoir de Cho. an Chabháin, an taobh atá cóngarach do Cho. na Mí ach go háirithe, ach ó tharla go n-áireofar an contae sin mar chuid de Bhréifne anseo, ní gá dul isteach sa cheist go mion. Ar bhealach, is scaoilte ó thaobh ama, nádúir agus áite lámhscríbhinní an dara focheantair liteartha atá i dtrácht againn anseo, Bréifne. Mar seo a thráchtann Ó Buachalla air,

Freagraíonn Bréifne do Chontae Liatroma is do Chontae an Chabháin an lae inniu. Sa seanreacht dhéantaí é a roinnt ina dhá chuid—Bréifne Uí Ruairc (Co. Liatroma) is Bréifne Uí Raghallaigh (Co. an Chabháin)—is b'iadsan, agus muintir Mhig Uidhir i gCo. Fhear Manach, na teaghlaigh ba mhó le rá sa taobh sin tíre trí chéile. Aonad polaitiúil agus aonad riaracháin ba ea Bréifne ach ó thaobh na litríochta de ba cheart Fear Manach, nó ar a laghad an chuid d'Fhear Manach a bhí fós faoi mhuintir Mhig Uidhir sa 17ú-18ú céad, a áireamh ann leis. Ceantar mór léinn ba ea Bréifne riamh is bhí dlúthbhaint ag cuid de phríomhtheaghlaigh na dúiche—muintir Mhig Uidhir, muintir Mhig Shamhradháin, muintir Raghallaigh, go háirithe—le saothrú is le cothú na litríochta is an léinn sna meánaoiseanna. Léiriú follasach ar an mbaint sin is ar na teaghlaigh féin is ea *Duanaire Mhéig Shamhradháin*, *Duanaire Mhéig Uidhir*, is Duanaire Uí Raghallaigh atá ar phríomhdhuanairí teaghlaigh na tréimhse 1200-1650. ... Chun na fírinne a rá níor chuaigh briseadh iomlán ar an saothrú sin sa cheantar go dtí an chéad leath den 19ú céad is níor briseadh, ach oiread, ceangal na dteaghlach úd leis an léann dúchais go dtí sin.<sup>43</sup>

---

<sup>42</sup> Ní Uallacháin (2003: 19).

<sup>43</sup> Ó Buachalla (1975: 21-2). Féachann Ó Buachalla ar an dá dhúiche seo mar fhocheantair liteartha ar leith, teoiric a gcuireann Watson (1979: 13-17) go tréan ina haghaidh, agus údar maith aige, ach fós féin, is beag stró a bheadh ar an té a chaithfeadh súil ar lámhscríbhinn ar bith ón Tuaisceart de chuid thús na 18ú hAoise a rá cé acu is le traidisiún Oiriaila nó Bhréifne a bhaineann sí, mar gheall ar an gclaonadh sin chun coimeádachais agus 'ábhair fhréamhaithe' atá le sonrú ar lámhscríbhinní Bhréifne ar an móróir.

Má thugtar sainmhínte an dá cheantar seo le chéile, tchífeadh go bhfuil curtha san áireamh againn gach contae i gCúige Uladh seachas Co. Dhún na nGall, Co. Dhoire, Co. Thír Eoghain, agus Co. Aontroma; agus de bhreis ar an méid sin, gur ligeadh isteach Co. na Mí mar gheall ar an gceangal a bhí ag lámhscríbhinní an chontae sin le traidisiún Oiriaila; agus go bhfuil, ar an dóigh chéanna, cás ar leith déanta gur cheart Co. Liatroma a áireamh anseo fosta. Na ceithre chontae eile de chuid Chúige Uladh, is beag atá againn ó cheann ar bith acu a scríobhadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge, agus b'fhearr, ar mhaithe leis an gcuntas a bheith cuimsitheach, iad a ligean isteach fosta. Ní ceist dúinn go raibh an ceart ag Ó Baoill (2007) Co. na hIarmhí a chlárú mar chuid de 'Thuaisceart na lámhscríbhinní', tharla go mbíodh tóir ann—mar is soiléir ón mbeagán lámhscríbhinní atá againn ón gcontae sin—ar roinnt den nua-litríocht phróis de chuid Oiriaila agus Bhréifne; agus tá samplaí de dhánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh ina measc fosta.<sup>44</sup> Ba chóir go mbeadh sé soiléir don té a léigh alt Williams (1994) go mbíodh cineál de mheascán idir Gaeilge Uladh agus Gaeilge Chonnacht á labhairt i gcodanna éagsúla de Cho. an Longfoirt, agus gur ghaire don dul Ultach na fochanúintí i dtreo thuaisceart an chontae.

Ar an ábhar nach samhlófaí Co. Liatroma, agus b'fhéidir Co. an Longfoirt, go réidh leis an gceantar seo againn, b'oirchise dúinn aghaidh a thabhairt ar an modh eile roinnte atá i réim le fada i gcúrsaí canúna agus lámhscríbhinní, is é sin, córas airde an chompáis. Tá, dhealródh sé, claonadh acu siúd a phléann cúrsaí canúna dul leis an gcóras seo ó foilsíodh mórshaothar T. F. O'Rahilly, *Irish Dialects Past and Present* (1932). Déantar, de ghnáth, sa chás go dtéitear leis an gcéad chóras, Cúige Uladh a

---

<sup>44</sup> Deacracht amháin a bhaineann le Co. na hIarmhí is ea go bhfuil ceann de na príomhbhailte atá ann, Baile Átha Luain, suite idir an contae sin agus Co. Ros Comáin, agus ní féidir liom teacht ar ábhar maith a sheasfadh lena chur san áireamh (.i. Baile Átha Luain) anseo fosta. Fágann sé sin nach bhfaighfeadh anseo cuntas ar Dhomhnall Ó Molomhna (Daniel Malone) ná ar Bhrian Ó Fearghail, ós gaire do thraidisiún Chúige Chonnacht iad—ach féach go raibh ceangal ar leith ag Séamus Ó Fearghail [2] (*q.v.*) leis an dara duine acu.



roinnt ina dhá mhórchuid bhunúsacha, Iarthar Uladh agus Oirthear Uladh. De réir thaighde Chathair Uí Dhochartaigh (1987), is éard a chuimsíonn Iarthar Uladh, Tír Chonaill .i. Co. Dhún na nGall, agus áirítear an chuid eile de Chúige Uladh mar Oirthear Uladh—‘East Ulster (that is, Ulster outside Donegal)’ (Ó Dochartaigh 1987: 8). Tá glacadh leis le fada an lá, taobh amuigh de chúrsaí spóirt agus féiniúlachta ár linne féin, b’fhéidir, gur chuid de Chúige Uladh tráth, ó thaobh na staire agus na canúna de, é Co. Lú. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil na scoláirí uilig ar aon tuairim maidir le méid na bhfo-rann seo, áfach.

Ó na tagairtí éagsúla atá déanta ag O’Rahilly (1932) d’fhocheantair éagsúla de chuid Chúige Uladh, is soiléir nár áirigh sé Inis Eoghain mar chuid d’Oirthear Uladh (1932: 227), agus cé nach ceist dúinn gur lárchuid Oirdheisceart Uladh iad Co. Ard Mhacha agus Co. Lú (1932: 26, 178, 208, 209),<sup>45</sup> níl leid ar bith sa leabhar faoin gcinneadh a rinne sé maidir le Co. Mhuineacháin. Is casta an scéal arís i dtaobh Cho. an Dúin ina leabhar, áit a mbaistear Gaeilge Oirdheisceart Uladh ar a bhfuil i leabhar gramadaí Neilson<sup>46</sup> (O’Rahilly 1932: 167, 186, 188), cé go ndeirtear gurbh i nGaeilge Oirthear Uladh a scríobhadh *Tóraidheacht na bhFireun air Lorg Chríosa*, an t-aistriúchán clúiteach úd de chuid na bliana 1762 ar *De Imitatione Christi* (1932: 42, 45, 269).<sup>47</sup> Tá leideanna maithe againn—má tá gá lena áiteamh—nár leaganacha malartacha iad Oirthear Uladh agus Oirdheisceart Uladh in aigne O’Rahilly (1932: 169, 227); mar sin féin, faigheann muid trína chéile iad sa dornán tagairtí atá déanta aige do

---

<sup>45</sup> Is cuid de Chúige Uladh é Co. Lú, mar a deir O’Rahilly (1932: 18 n.2) áit amháin, agus tacaíonn tagairtí eile sa leabhar leis seo (1932: 176 n.1). Tugtar Tuaisceart Laighean ar Cho. na Mí agus ar Cho. na hIarmhí (1932: 176 n.1). Is dóigh gur beag idir ‘S.E. Ulster’ T. F. O’Rahilly agus an ceantar liteartha ar ar thug mórán scríbhneoirí eile Oiriaila; áiríonn sé saothair triúr mórphilí Oiriaila, Séamus Mac Cuarta, Peadar Ó Doirín agus Art Mac Cumhaigh, mar fhoinsí ar Ghaeilge Oirdheisceart Uladh (1932: 178, 208; 26; 209).

<sup>46</sup> Sin Uilliam Mac Néill (*q.v.*) agus a shaothar, *An Introduction to the Irish Language* (1808).

<sup>47</sup> Is dócha nach raibh an t-eolas iomlán aige faoi stair an aistriúcháin seo.

lámhscríbhinn na bliana 1679 (1932: 41, 44, 214, 227). Ní cuid d'Oirdheisceart Uladh é Co. Thír Eoghain de réir O'Rahilly (1932: 198 *n.3*, 232).

Cuimsíonn, dar le T. F. O'Rahilly, Iarthuaisceart Uladh Dún na nGall (1932: 27) ar a laghad, agus maítear áit eile sa leabhar sin go bhfuil Iardheisceart Uladh 'adjoining Connacht' (1932: 188). Deirtear gurbh as Deisceart Uladh d'Eoghan Ó Dubhthaigh (O'Rahilly 1932: 4), ag a raibh ceangal láidir le mainistir an Chabháin (Mhág Craith 1980: 162). Tagraíonn O'Rahilly áit eile, agus ar ábhar eile, don fhoirm *cuimhnigídh* a bheith le fáil sa 'S. Ulster MS. of 1716' (1932: 63*n.*); is dóigh go raibh sé ag smaoineamh anseo ar CT H.2.6 (1297), ar a dtugtar lámhscríbhinn de chuid Sheáin Mhic Gabhráin [.i. Seon Mag Shamhradháin (*q.v.*)] ó Cho. Fhear Manach áit eile (1932: 42). Phléigh Charles Dillon (2013: 32) le déanaí an lámhscríbhinn seo agus lámhscríbhinní Eoghain Uí Raghallaigh i gcomhthéacs Ghaeilge Dheisceart Uladh. Déantar fosta tagairtí don '1711 manuscript'<sup>48</sup> ó Dheisceart Uladh in O'Rahilly (1932: 42, 47), dúiche a ndéantar idirdhealú idir í agus Oirdheisceart Uladh (1932: 37, 221). Léiriú ar chanúint Iardheisceart Uladh is ea í ARÉ 23O41 (181)—lámhscríbhinn le Séamus Bacach Mhag Uidhir ó iarthar Cho. an Chabháin—dar le Pádraig Ó Súilleabháin (1957: xiv-xvii). Is ionann an Mhí, dar le O'Rahilly, agus an dá chontae 'nua-aimseartha', Co. na Mí agus Co. na hIarmhí, amháin.<sup>49</sup> Fágann sé sin nárbh inmholta dul le sainmhíniú amháin nó eile ar Oirthear Uladh mar theorainn, nó bheifí idir dhá chomhairle ar cheart gach ceann de na trí chontae a shamhlaítear leis an dúiche sin Bhréifne a ligean isteach anseo ar ábhar amháin nó eile. B'fhéidir

---

<sup>48</sup> Is doiligh a rá cé acu ARÉ 23L26(1) (555), ARÉ 23G8 (785), nó LB Eg. 133 a bhí i gceist aige anseo; más ag trácht ar LB Eg. 133 a bhí sé, is fiú smaoineamh air gur scríobh scoláire Gaeilge ó Cho. an Longfoirt, Séamus Lom Ó Fearghail [1], cuid di. Ní dóigh go samhlódh O'Rahilly ARÉ 23G8 (785), a grafadh i mBaile Átha Cliath, le Deisceart Uladh. Tá sé intuigthe ó dhátaí in ARÉ 23L26(1) (555) gur scríobhadh í idir *c.*1708 agus *c.*1711, agus an pheannaireacht giota beag cosúil leis an stíl a d'úsáideadh Bearnard Ó Cuirnín (*q.v.*) [? ó Cho. Liatroma], ach ní bheinn suite de gurbh eisean a scríobh í.

<sup>49</sup> Féach nóta 45 thuas.

gur leor an méid sin mar léiriú nach féidir brath ar chóras atá chomh tugtha sin do theorainneacha an chúige féin, agus dá luainí na sainmhíthe éagsúla seo, is dóigh go dtuigfí astu nár cheart aon chuid de Chúige Chonnacht a ligean isteach san áireamh anseo, rud a fhágann muid bunoscionn lena ndúirt Laoide, Flower, Ó Buachalla agus Watson faoi seach faoin gceangal a bhí ag oirthear an chúige sin leis an gceantar.<sup>50</sup> Níl aon dul as, measaim, ach Co. Liatroma—agus Co. an Longfoirt, ar údarás Uí Bhaoill (2007)—a chur san áireamh.

Thig linn formhór mór na scríobhaithe sin Bhaile Átha Cliath a bhfuil ábhar déanach an Tuaiscirt ina gcuid lámhscríbhinní a rianú siar do cheann nó eile de na contaetha a pléadh cheana: Muiris Ó Gormáin, Labhrás Ó hArann, Aodh Ó Cobhthaigh, Seon Mhac Solaidh, Seán Ó Cléirigh, John T. O’Clery, srl., agus ní fiú bheith leo anseo, tharla nach raibh siad ach ar seachrán nó ina gcónaí ann, agus gur féidir iad a chur san áireamh go meicniúil mar scríobhaithe de chuid a gcontaetha dúchais. Déantar an scéal níos casta as miosúr, áfach, nuair a chuirtear Ristead Tuibear agus an dream a bhí faoina chúram, is cosúil—L. T[uibear], Feidhlime Mag Fhinneachta agus Toirdhealbhadh Ó Cilleáin—san áireamh anseo. Ós rud é gur fhág Ristead féin againn cuid de na cóipeanna is luaithe atá againn de dhánta áirithe le Séamus Mac Cuarta, agus ábhar eile de chuid Oiriaila agus an Tuaiscirt nach mbeadh againn murach é, is ar éigean a d’fhéadfaí dul thairis anseo. An scéal céanna i gcás an Ard-Easpaidh Seán Mac an tSaoir. Cinneadh, mar sin, ar an mbaicle bheag scríobhaithe a phlé sa tráchtas taobh leis na scríobhaithe eile de chuid an Tuaiscirt, ach fágfar go docht as an áireamh leithéidí Uilliam Uí Loingsigh agus Thaidhg Uí Neachtain, tharla nach éasca an ceangal a bhí acu le traidisiúin an Tuaiscirt a dhéanamh soiléir,

---

<sup>50</sup> Is casta an scéal i dtaobh na lámhscríbhinní a cuireadh le chéile i gCo. Liatroma ag tús na 19ú hAoise, tharla go mbíonn idir litríocht an Tuaiscirt agus an Deiscirt iontu, ag brath ar an dúiche inar scríobhadh iad, ach níor mhiste an contae uilig a ligean isteach.

agus ní bhfaighfear trácht orthu siúd anseo, rud a bheadh náb fhóirsteanaí i dtráchtas a thabharfadh faoina ngnóthaí siúd a scrúdú go mion. Ar an ábhar seo, is iad na contaetha a bheidh i dtreis agam anseo na naoi gcontae a chuimsíonn Cúige Uladh, mar aon le Co. Lú, Co. na Mí, Co. na hIarmhí, Co. an Longfoirt, Co. Liatroma, agus, faoi dheoidh, na scríobhaithe sin de chuid Bhaile Átha Cliath atá ainmnithe agam thuas. Áirítear Pádraig Dubhdal, Fearghal Ó Raghallaigh agus Proinsias Ó Raghallaigh [2] mar scríobhaithe de chuid an cheantair ar an ábhar céanna. Tabharfar ‘an Tuaisceart’ nó ‘an ceantar’ ar an limistéar sin amach anseo.

### **3. Sainmhíniú ar ‘Scríobhaí’ de Chuid an Tuaiscirt**

Is iad seo na critéir a ghlac mé chugam agus mé ag tabhairt sainmhíniú ar an rud is scríobhaí de chuid an Tuaiscirt ann,

- (a) scríobhaí traidisiúnta nó leath-thraidisiúnta a bhí ag saothrú sa cheantar, de réir mar is féidir a dhéanamh amach ó cholafoin agus ábhar na lámhscríbhinní nó ó thaifid chomhaimseartha eile, am éigin i ndiaidh 1650, an chuma ar a chuid scríbhinní gurbh as an gceantar dó, gur chainteoir agus scoláire dúchais é, agus gan a dhath ar bith eile a thabharfadh a mhalairt le fios,
- (b) scríobhaí den sórt céanna ar féidir a chruthú ina thaobh gurbh as an gceantar dó ach a bhí ar seachrán in áit eile (Baile Átha Cliath i gcónaí, beagnach),
- (c) scoláire Gaeilge traidisiúnta eile ar nós foclóirí, nó scríbhneoir seanmóirí a réitíonn le (a) nó (b) i ngach dóigh eile, agus a bhfuil lorg an léinn dúchais ar a chuid scríbhinní.

Nó, lena rá ar mhalairt dóighe, ní chuirtear san áireamh anseo,

- (i) scríobhaithe a bhí lonnaithe sa cheantar ach nár rugadh ann, m.sh. Tomás Ó Fiannachta,<sup>51</sup> srl.,
- (ii) scoláirí déanacha (ó 1800 ar aghaidh) de chuid an cheantair agus de chuid Bhaile Átha Cliath, m.sh. Roibeard Mac Ádhaimh, Eoin Mac Néill, Seághan Ó Faircheallaigh, Edward O'Reilly, William Reeves, srl.,
- (iii) scríobhaithe a raibh baint ag a sinsir leis an Tuaisceart ach nár rugadh ann, m.sh. Séamus Ó Muireadhaigh, O.P., ar tháinig a mhuintir ó Cho. Dhoire ach a raibh cónaí air i gCo. an Chláir,<sup>52</sup> agus an chuma ar an scéal gurbh ann a rugadh é,
- (iv) scríobhaithe a chomhlíonann critéir (a) nó (b) ach a bhí i mbun pinn roimh 1650, m.sh. Cú Choigcríche Ó Cléirigh, Mac Con Ó Domhnaill,<sup>53</sup> Fear Feasa Ó Duibhgeannáin, srl.
- (v) scríbhneoirí seanmóirí Gaeilge nach follas go raibh an-chur amach acu ar lámhscríbhinní liteartha na Gaeilge,<sup>54</sup> m.sh. Hugh McFadden (c.1801-1868),<sup>55</sup> Cloch Cheann Fhaola, Co. Dhún na nGall, agus John Heely (1758-1831),<sup>56</sup> Dún Léire, Co. Lú.

<sup>51</sup> Tá roinnt mhaith eolais ar an duine seo in Ó Buachalla (1968).

<sup>52</sup> Scríobh Ó Macháin (2012) beathaisnéis ar an duine seo.

<sup>53</sup> Scoláire ó Thír Chonaill, dhealródh sé, a bhí gníomhach chomh mall leis an mbliain 1654, ach a bhí i mbun scríbhneoireachta roimh thús na tréimhse seo againne. Is í C Add. 3084 (9), a grafadh sa bhliain 1648, an saothar is mó atá againn óna láimh. Scríobh Cú Choigcríche Ó Cléirigh giota dó i mBaile M[h]ic Cathail ar an 28 Nollaig 1654 in ARÉ B.iii.1 (742), f. 89. Tugtar eolas air in de Brún & Herbert (1986: xvii col. a) agus in Breatnach (2013: 120), sna nótaí ach go háirithe. Tá Baile Mhic Cathail le ceangal, is dócha, le log darb ainm sin atá i gCo. Dhún na nGall.

<sup>54</sup> B'fhéidir nár cheart iad a fhágáil ar lár. Ar scáth gur lig mé isteach Aindrias Briosaín (*ob.*1797), ar an ábhar go raibh ortagrafaíocht na teanga ar eolas aige, d'fheadfaí argóintí láidire a dhéanamh ar son John Heely a chur san áireamh, tharla go léiríonn cuid de na seanmóirí ina lámhscríbhinn, COFLA MF4, go raibh sé tar éis ábhar cráifeach dúchasach Gaeilge a léamh go mion lena gcur le chéile. Féach nóta 56 thíos.

<sup>55</sup> Tugtar eolas ar an sagart seo agus ar a chuid seanmóirí in Ó Labhraí (2001). San *English character* a scríobhadh iad. Tá an lámhscríbhinn féin ar iarraidh, ach chóipeáil Éamonn Ó Tuathail í sular

Tharla nach flúirseach sonraí beathaisnéise ar fhorhmór na scríobhaithe a bhí ag saothrú leo roimh thús na 19ú hAoise, nár nós do mhéid substaintiúil díobh log scríofa a thaifeadadh, agus fós gur doiligh cuid mhaith de shaothar a lámh a chur ina chomhthéacs áitiúil ceart ná teacht ar fhaisnéis i dtaobh na ngréasán ina mbídís páirteach, tagann de sin go bhfuil go leor lámhscríbhinní fáin ann a bhfuil an dealramh orthu go bhféadfadh sé gur grafadh sa cheantar iad, agus nach féidir a gcur san áireamh anseo de cheal eolais bheacht. I measc na scríobhaithe ar dóigh gurbh ó Leath Chuinn iad ach nach féidir a rá gur leis an gceantar seo iad, tá Maghnus Mac an Bhreitheamhnaigh (*ob.*1846),<sup>57</sup> Criostóir Mac Gearailt (*fl.*1651-5),<sup>58</sup> Seán Ó Beoláin (*fl.*1748),<sup>59</sup> Aodh Ó Dálaigh (*fl.*1721-72),<sup>60</sup> Lúcas Ó Dubhthaigh (*fl.*1717),<sup>61</sup>

---

cailleadh í, agus tá an chóip sin ar coimeád i Roinn Bhéaloideas Éireann. Tugtar tagairt chruinn don chóip in Ó Labhraí (2001: 41).

<sup>56</sup> Cuireadh na seanmóirí in COFLA MF4 in eagar in Hicks (1947); tá eagrán nua de cheann acu in Ó Labhraí (1999-2000), áit a bhfuil nóta ar bheatha an Ath. John Heely. Rugadh é i bparóiste Mellifont (Tulaigh Álainn), Co. Lú, agus bhí sé ina shagart cúnta i nDún Léire ó c.1789 go dtí go ndearnadh sagart paróiste de ann sa bhliain 1797. Chaith sé na blianta deiridh dá shaol, 1822-1831, ina shagart paróiste ar pharóiste Lú. Ba idir c.1796 agus c.1816 a cumadh na seanmóirí atá in COFLA MF4, agus is san *English character* atá siad scríofa, cé gur tharraing an tAth. Heely, mar a dúradh cheana, ar ábhair Ghaeilge eile. Tá ina measc *Sermons* Uí Ghallchobhair (1736) agus *Leanmhuint Chríosa*, leagan de *De Imitatione Christi* a bhfuil sliocht as i lámhscríbhinn le Seán Mac an tSaoir, ARÉ 23A8 (354), a grafadh sa bhliain 1745. [Ní hionann seo agus *Tóruidheacht na bhFireun air Lorg Chríosa* (1762) ach is féidir gur bunaíodh an t-aistriúchán sin ar an *Leanmhuint*; féach Caib. 1.4.1.2 thíos, agus Ó Cuív (1954a: 252-3)]. Cuireadh an tAth. John Heely i nDroim Ing, agus tógadh leac ar a uaigh.

<sup>57</sup> Scríobhaí LPBF 14, lgh 1-114; féach Ó Buachalla (1968: 283). Caitliceach a bhí ann, agus scríobhadh an leabhar seo sa bhliain 1823 ‘a Sepeall Cill er Sealgain’, cibé áit sin. Is doiligh an log, ná ceann ar bith de na téacsanna, a cheangal le háit ar bith; tugtar liosta díobh sa chatalóg, Ó Buachalla (1962: 10-11). Ba é Aodh Mhac Domhnaill [2] a scríobh an chuid eile sa bhliain 1846, agus tá i gcúl an leabhair (lch 143) nóta faoi bhás Mhaghnuis Mhic an Bhreitheamhnaigh a thugann le fios gur cailleadh é i mí na Samhna 1846. Tá neart dánta ó Cho. Dhún na nGall sa dara cuid.

<sup>58</sup> Criostóir Mac Gearailt, mac Éadbhaird Mhic Gearailt ó áit éigin darb ainm ‘Cluinbroc’; féach Mac Aogáin (1968: xiv n.2).

<sup>59</sup> Scríobhaí LPBF 10. Cóip d’ábhar as lámhscríbhinn atá bainteach le Co. Dhún na nGall, LN G201, atá inti, is dócha. Bhí Seán ina mhac léinn i bPáras sa bhliain 1748 nuair a ghráf sé an lámhscríbhinn.

<sup>60</sup> Aodh Ó Dálaigh (*fl.*1721-72). Is doiligh a rá cár rugadh é, ach tugadh dhá bhuille faoi thuairim air sin in alt a scríobh Lloyd (1912) ar fhoirmeacha canúna i leabhar comhrá Aodha, ní a ghráf sé don Dr Francis Stoughton Sullivan sa bhliain 1747. Ba as an Mí nó Oiriaila dó, dar le Lloyd; chreid T. F. O’Rahilly—féach Lloyd (1912: 20-1)—gurbh as oirthear Chúige Chonnacht dó. Thugadh Aodh ‘Ó Dálaigh Fionn’ air féin, CT H.1.17 (1291), f. 168. Ghráf sé ARÉ D.iii.2 (619), 1746; ARÉ 24P44 (1407); CT H.1.6 (1280), 1758-61; CT H.1.10 (1284), 1747; CT H.1.11 (1285), 1752; CT H.1.12 (1286), 1742-6; CT H.1.13 (1287), 1746; CT H.1.14 (1288), 1750; CT H.1.17 (1291), 1755; CT H.4.4 (1346), 1725-50; CT H.4.17 (1358), 1745; CT H.4.19 (1360); CT H.5.2 (1374), 1721-2; CT H.5.5 (1377), 1746; CT H.5.9 (1381), lgh 62-3, gan dáta; CT H.5.12 (1384), 1749; CT H.5.18 (1390), 1736; CT H.5.19 (1391); CT H.6.3 (1406), 1737; LB Eg. 139; LN G21; LN G23, 1727; LN G25; LN G29; LN G82; LN G130; LN G447; LN G1097; LNA 73.5.1; OÉG H37; SPN, 1750. Fághtar LN G24 as an

Cathal Ó Fuaráin,<sup>62</sup> Tomás Ó Miadhacháin (*fl.*1756),<sup>63</sup> Seán Pleimionn (*fl.*1772)<sup>64</sup>

agus John Price (*c.*1799–).<sup>65</sup> Scríobhaithe éideimhne ar ábhar eile is ea iad Bernardus

Mellann,<sup>66</sup> Eoghan Ó Donnghaile (*ob.*1697),<sup>67</sup> agus James Pulleine (*ob.c.*1776).<sup>68</sup>

---

áireamh mar gheall ar a ndeirtear i gcuntas catalóige de Brún (1972) faoi ÓR 3. Scríobh Ó Dubhthaigh (1958-61: 37) nóta faoi.

Na lámhscríbhinní atá againn uaidh, níl faisnéis againn a rachadh in aghaidh na tuairime gur scríobhadh iad uilig sa chathair. Is í CT H.5.2 (1374) an ceann is sine acu, agus scríobhadh do Chormac Mac Briain í ag Fioghar an Tairbh Dhuibh i Sr. San Niocláis, Baile Átha Cliath. Bhí cúpla pátrún eile ag Aodh trí na blianta, Francis Cheney *al.* Proinsias Slabhraidh (LN G23) sa bhliain 1727; Paris Anderson (LNA 73.5.1) idir na blianta 1734 agus 1735; agus Domhnall Mac an Leomhain nó Dudley Lyons (LN G1097) am éigin roimh an mbliain 1755. Bhí ceangal ag Aodh le grúpa scríobhaithe an mhórscoláire Tadhg Ó Neachtain (*c.*1671-*c.*1752), agus luaitear é i lár an dáin a cheap Tadhg ar na scríobhaithe móra a bhí suas lena linn i mBaile Átha Cliath, ní a cuireadh i gcló in O’Rahilly (1913a: 160), agus in Harrison (1988: 136). Ba é an ball deiridh den scoil sin é a lean air ag cóipeáil lámhscríbhinní. Féach Ní Shéaghdha (1989: 46).

Chaith sé roinnt ama ag obair le Mícheál Ó Broin (Michael Byrne) sna 1720í, agus tá cóipeanna as an *Leabhar Branach* i gcuid de na lámhscríbhinní atá againn uaidh. Bhí aithne mhaith aige ar Thomás Mac Con Choilligh (*fl.*1736-48), agus scríobh sé cuid de CT H.5.18 (1390), a grafadh idir na blianta 1736 agus 1737, ‘a ttoighe Thomais Mhic Con Choilligh a mBaile Ath’ Clíath’.<sup>60</sup> Scríobh sé cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’, CT H.6.3 (1406), ó leabhar a scríobh Tomás Mac Con Choilligh, nó a bhí ina chnuasach lámhscríbhinní, i mí an Mhárta 1737. Tugtar eolas ar scríobhaithe eile a raibh aithne ag Aodh agus Tomás orthu in LN G32.

Mar scríobhaí an Dra Francis Stoughton Sullivan is mó atá aithne air, agus tá cuid mhaith de thoradh na hoibre a rinne sé dó idir na blianta 1742 agus 1761 i gColáiste na Tríonóide. Mar gheall ar pheannaireacht chiotach na lámhscríbhinní seo, agus dearmadtaí beaga eile, cháin neart scoláirí de chuid na 20ú hAois é, sa dóigh gur scríobh Ó Macháin (2006) le déanaí gurbh é ‘one of the most maligned scribes’ i dtraidisiún lámhscríbhinní na Nua-Ghaeilge é.

Thuairimigh O’Sullivan (1976: 232) gur cailleadh Aodh Ó Dálaigh ‘about 1760 leaving the field open for Sullivan to employ Ó Gormáin’, ach bhí sé i mbun pinn sa bhliain 1761(?), de réir colafoin in CT H.1.6 (1280). Tá an pheannaireacht corr sa lámhscríbhinn seo, sa dóigh gur doiligh a bheith cinnte cé acu 1761 nó 1765 atá ann; b’fhearr le O’Rahilly, de réir nóta a chuir sé le Lloyd (1912: 19n.), an dáta 1765. Is léir, cibé rud é, go raibh Aodh ag saothrú beagán ábhair sa bhliain 1772; féach an ginealach a scríobh sé don Ard-Easpag Patrick Curtis ina dtugann sé le fios go raibh Pádraig ina shagart oirnithe an uair sin; tharla sin sa bhliain 1772.

<sup>61</sup> Scríobhaí ARÉ 23D32 (513). Don duine seo, féach Ó Fágáin (1985: 151-2), áit a léirítear go raibh an lámhscríbhinn i gCo. na hIarmhí sa bhliain 1771. Maidir leis na dánta a chum sé, cumadh ceann acu ar shagart a cuireadh ‘i Sligeach’. Táim in amhras cárbh as don scríobhaí seo go díreach dá bharr sin.

<sup>62</sup> Thuigfí ó ábhar na haon lámhscríbhinne atá againn uaidh gur scríobhaí de chuid an Tuaiscirt é—sin ARÉ 23I12 (753), cóip de ‘Duan Uí Shíadhail’, dán leighis a bhfuil fáil air i dtrí lámhscríbhinn eile, go bhfios dom, a scríobhadh uilig sa cheantar seo—COBÁC C2, Risteard Tuibear, *c.*1726 (ach féach nótaí 3685, 3686); COBÁC M14, Tomás Ó Conchubhair, 1820-4; agus MN C92 (*e*), scríobhaí anaithnid, 18ú hAois. Shínigh Ambrose Kerr, M.D., éigin an lámhscríbhinn seo, agus tugann sé Ambróse Ó Ceár air féin i nGaeilge, litriú nach rófhada é óna bhfuil ag beirt scríobhaithe eile ón 18ú hAois dar sloinne Mac Giolla Cheara, Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1] agus Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2]. Más fíor nach bhfuil sé dáiríre faoina bheith ina dhochtúir (níl a chuid peannaireachta iontach líofa), is féidir gurb ionann é agus an Ambrose Carr a bhí ag teagasc faoin *Irish Society* i ndúiche Dhún an Rí sa bhliain 1824 (de Brún 2009: 168).

<sup>63</sup> An té a bhíodh i dteagmháil le Richard Levinge ó Cho. na hIarmhí, ach is doiligh a bheith deimhnitheach cérbh é. Tugtar eolas air agus ar an lámhscríbhinn in Breathnach (1940b), agus in Ó Fágáin (1985: 104-5). Ní dóigh liom go raibh an ceart ag Breathnach (1940b: 210) gurbh ionann é agus an file ó Cho. an Chláir, agus ní heol dom cá bhfuil na giotáí Gaeilge a scríobh sé; féach nóta 669 thíos. Déanann Walsh (1940: 258) talamh slán de go gcaithfidh sé gurbh as an dúiche thart faoi

Fágtar iad ar lár sa chuntas seo, dá bharr sin. Anuas ar an méid sin, tá glacán lámhscríbhinní a ceanglaíodh cheana féin go neamhfhoirmeálta leis an gceantar (nó le scríobhaí dá chuid) i bhfoilseacháin éagsúla, lámhscríbhinní nach dóigh liom, tar éis dom iad a scrúdú, gur leis an gceantar iad.<sup>69</sup> Scríbhneoir idir scríobhaí traidisiúnta agus scoláire nua-aimseartha ab ea é Seághan Ó Faircheallaigh (1845-1927) ó Cho. na Mí. Diomaite de go gcuireadh sé lámhscríbhinní le chéile do phátrúin, is doiligh teacht ar ní ar bith dár scríobh sé a cuireadh le chéile ó ábhair thraidisiúnta a cheantair féin, nó a scríobhadh sular bunaíodh Cumann Buanchóimeadta na Gaeilge (1876), agus, mar gheall air sin, níor measadh gur cheart eisean a áireamh i gCaib. 2. Tugtar cuntas gearr ar a bheatha san aguisín deiridh, Aguisín 18, ó ba é an t-oidhre deiridh é, go pointe áirithe, ar thraidisiún lámhscríbhinní an Tuaiscirt.

---

Cho. na hIarmhí don Tomás seo againne. Is dóigh gur cheart sin dó ach ní féidir sin a dheimhniú ós rud é nach bhfuil fáil ar na giotáí a scríobh sé.

<sup>64</sup> Ghraf sé COBÁC Add. Ir. 9. Don lámhscríbhinn seo, féach Ó Lochlainn (1939a).

<sup>65</sup> Scríobhaí HUL Ir. 19, a grafadh idir 1819 agus 1820 i gCo. Shligigh, ach d'fhéadfadh sé gur Mhíoch é John Price. Féach nóta 765 thíos, áit a bhfuil gearrchuntas air.

<sup>66</sup> Shínigh an duine seo, 'Benardus Mellann, 3<sup>o</sup> Martij' (lch 100), agus 'Roibeart Stuart' (lch 95), an lámhscríbhinn CT H.4.10 (1351). Ní ceist dúinn gur scríobhadh sa Tuaisceart í. Is é an fáth ar dóigh liom gur féidir gur scríobh Benardus Mellann [? Brian Ó Mealláin] an lámhscríbhinn go bhfuil nóta i Laidin agus i nGaeilge i lámh an phríomhscríobhaí ar lch 32, an Ghaeilge agus beagán den Laidin scríofa ar an gcorrlitir, agus an chuid eile sa script choiteann (.i. an script rómhánach). Is cosúil go mór lena chéile an script choiteann sa nóta seo agus an síniú ar lch 100.

<sup>67</sup> Féach nóta 116 thíos, áit a ndéantar plé ar CT H.5.28 (1399), lámhscríbhinn a leagadh air.

<sup>68</sup> Tugtar roinnt eolais i dtaobh an duine seo, agus na saothair a leagtar air, i gCaib. 1.4.2.1, nóta 618.

<sup>69</sup> B'fhéidir gur leor dhá shampla a thabhairt anseo—Uilliam Shá (scríobhaí CCM B), agus Tomás Ó Briain (scríobhaí LPBF 7).

Ba dhóigh le Murphy (1953: 125) gur bhain lámhscríbhinn Uilliam Shá—agus eisean fosta, tá a chosúlacht air— le hOiriaila, tharla gur thuirimigh sé go bhféadfadh sé gurb ionann an logainm 'Cúlchoill' a luaitear inti agus Culloville (Cúl an Bhile), Co. Ard Mhacha; léirigh Ó Mórdha (1958) cúpla bliain ina dhiaidh sin gur lámhscríbhinn de chuid Dheisceart Laighean í seo mar gheall ar an ábhar atá inti, agus tharlódh sé go raibh an ceart aige.

Dála Thomáis Uí Bhriain, drochléamh ar cholafon in LPBF 7—a scríobhadh sa bhliain 1820—ab ábhar leis an mearbhall anseo: '... san nGleann Bán san Mhídh, Nov. 1820' (Ó Buachalla 1962: 5). Is é an léamh a rinne Mag Uidhir (1963: 228) air seo, mar gheall ar phoncaíocht na catalóige, gur grafadh an lámhscríbhinn i gCo. na Mí. Is leor sraicfhéachaint a thabhairt ar ábhar na lámhscríbhinne, dánta Shéamuis Uí Chaoindealbháin, le bheith cinnte go bhfuil rud éigin as alt anseo; féach an fhaisnéis chruinn atá sa lámhscríbhinn gur chaith sí tréimhse i dTiobraid Árann go gairid i ndiaidh a scríofa. Is éard atá i gceist sa cholafon, dáiríre, gur scríobhadh an lámhscríbhinn *i mí na Samhna* 1820, ní i gCo. na Mí, agus níl aon áit darb ainm an Gleann Bán sa chontae sin, go bhfios dom. Tá cúpla lámhscríbhinn eile le Tomás Ó Briain ar fáil i gcuasaigh éagsúla, agus dhealródh sé gurbh as Gleann Bán Cho. Thiobraid Árann dó.



## Caib. 1: Tabhairt Isteach

### 1.1. Réamhrá

Sa réamhrá a chuir sí lena staidéar cuimsitheach ar lámhscríbhinní mhuintir Longáin, an teaghlach léannta sin ba mhó i gcúrsaí lámhscríbhinní i gcathair Chorcaí, d'áitigh Ní Úrdail (2000: 17-19) go bhfuil an gort taighde seo tar éis leathnú go mór sa chruth go meastar anois nach foinsí téacsúla amháin iad na lámhscríbhinní, atá le moladh ná le cáineadh as a choimeádaí ná as a thruaillithe atá siad ó thaobh ábhair agus foirmeacha teanga. Tuigtear anois go bhfuil luach ar leith ag baint leo mar fhoinsí stairiúla a chaitheann solas ar stair áitiúil agus shóisialta, ar scaipeadh an léinn anallód idir thraidisiúnta<sup>70</sup> agus eile, agus ar an athrú—nach claochlú i gcónaí é—a bhí ag teacht ar ábhair agus ar dhéantús na lámhscríbhinní le himeacht aimsire, agus ar an dream a bhí freagrach as a dtiomsú. An seandearcadh sin a bhí i réim go dtí le déanaí i measc scoláirí áirithe,<sup>71</sup> téann sé siar go dtí an t-am a raibh Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí i mbun a gcuid taighde cheannródaithigh i lár na 19ú hAoise, nuair a bhíothas ag leanúint de lámhscríbhinní traidisiúnta a chur le chéile go fóill. Is féidir gurbh é Seán Ó Donnabháin<sup>72</sup> a thug an léiriú is fearr ar an

---

<sup>70</sup> Ní hionann sin agus a áiteamh gur léann ‘dúchasach’ atá sna lámhscríbhinní sa chiall is leithne, ach go bhfuil idir ábhar úr agus seanbhunaithe iontu a eascraíonn go pointe áirithe as an seanchóras léinn a bhí i réim le fada an lá, agus ní ceist dúinn go bhfuil tionchar cultúr eile—cultúr an Bhéarla agus tionchar an chló ach go háirithe sa tréimhse seo—ag imirt ar dhéantús na lámhscríbhinní, díreach mar a bhí ag tarlú i gcónaí ar dhóigheanna éagsúla ó bunaíodh traidisiún an léinn sa tír seo.

<sup>71</sup> Féach, mar shampla, go ndúirt an tOll. Mícheál Ó Briain nach raibh sa chéad sraith lámhscríbhinní a chláraigh Nessa Ní Shéaghdha sa Leabharlann Náisiúnta, LN G15 – LN G69, ach ‘lámhscríbhinní déanacha páipéir’ (Ní Shéaghdha 1987a: 175). Níor chaill Nessa Ní Shéaghdha an deis a lua san alt sin go raibh dánta Bhláthmhaic i measc an ábhair a bhí i gceann de na lámhscríbhinní sin, LN G50.

<sup>72</sup> Bheadh sé giota beag míchneasta gan a lua gur a bhuí le hiarrachtaí Sheáin Uí Dhonnabháin, Eoghain Uí Chomhraí, agus Edward O’Reilly a cuireadh na chéad chatalóga neamhfhoilsithe le chéile de chuid de na cnuasaigh lámhscríbhinní is luachmhaire atá ann; d’fhág siad triúr ina ndiaidh cuntais ar lámhscríbhinní Acadamh Ríoga na hÉireann, Choláiste na Tríonóide, agus Iarsmalann na Breataine (atá i Leabharlann na Breataine anois), catalóga lenar féidir an chatalóg a scríobh Edward O’Reilly in 1825 dá chuid lámhscríbhinní féin, ARÉ 23H1 (1287), a áireamh. Tá an chatalóg deiridh seo thar a

tuairim choiteann a bhí ag scoláirí na tréimhse sin ar scríobhaithe dúchasacha a linne féin,<sup>73</sup> nuair a phléigh sé i litir chuig Thomas A. Larcom seanlámhscríbhinn luachmhar de chuid Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir a chonaic sé i seilbh Hugh O’Fergus i Ros Inbhir, Co. Liatroma. Ag míniú gur tairgeadh dó go gcóipeálfadh scríobhaí áitiúil, Mícheál Mhac an Bhaird (*q.v.*), an leabhar dó ar phá íseal, £2, níor fhéad sé an t-amhras a bhí air faoi chumas an chóipeálaí a cheilt, ‘Ward would copy it faithfully, though he is only what I call a peasant scholar’.<sup>74</sup> Tagann sé seo leis an tuiscint a gheofaí ó chuid de na leabhair agus eagráin de sheantéacsanna a chuir a lucht comhairsire i gcló, is é sin, nár measadh gurbh fhiú spéis a chur i mbeathaisnéisí na scríobhaithe a ghraf na leabhair ar a raibh siad ag tarraingt go mór, ach amháin sa chás gur thug sin léargas dúinn faoi aois ná faoi iontaofacht na cóipe. Is dearbh nár fhéach siad le stair na lámhscríbhinní déanacha páipéir a rianú, ná iad a liostú, fiú, ina n-eagrán siúd de sheantéacsanna—gan trácht ar na scríobhaithe féin a bhí freagrach astu—nuair a bhí leagan eile ar fáil ar mheamram, ná nár cheist dóibh cúrsaí seachadta ach oiread, agus iad riamh de thóir ar an gcóip ba shine a bhí ar a ngar.<sup>75</sup>

Tuigeadh riamh, ó aimsir Charles Vallancey is Chathail Uí Chonchubhair, agus roimhe sin, go raibh tábhacht ag baint le foirmeacha teanga na seanlámhscríbhinní, áit ar measadh nach raibh ach truailliú agus comhartha aineolais i gcaint na

---

bheith mionsonraithe; tugann O’Reilly neart eolais faoi na scríobhaithe, agus tá iarracht déanta aige lámha a aithint. Is minic comhairle éigin a bheith aige faoi chumas na scríobhaithe féin: moltar Risteard Tuibear go mór. Féach Caib. 1.1.3., 1.4.5.2 thíos, áit a bhfuil cuntas báúil ó lámh Sheáin Uí Dhonnabháin ar lámhscríbhinní ó Cho. Dhoire ar ligeadh dóibh titim as a chéile.

<sup>73</sup> Is é sin, na scríobhaithe áitiúla ‘amaitéaracha’ nach raibh ceangal dlúth acu, a bheag nó a mhór, le scoláirí gairmiúla.

<sup>74</sup> Sliocht as na litreacha a chuir sé le chéile agus é ag déanamh obair pháirce don Ordanáis Suirbhéireachta. Tugtar tagairt don litir seo i nóta 980 thíos.

<sup>75</sup> Cé gur chainteoirí Gaeilge cuid mhaith de na scoláirí seo, Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí ina measc, agus cé go bhfuil ábhar nua-aimseartha againn óna lámha (féach LB Eg. 130 agus MN C68 (*u*), mar shampla), agus gur scríobh Seán Ó Donnabháin leabhar barantúil gramadaí, is beag áit a fuair an t-ábhar seo ina gcuid foilseachán scolártha. Is fiú a lua go raibh cúpla scoláire réamhbhreathnaitheach ann i lár na 19ú hAoise a thuig tábhacht na nua-litríochta seo, Seán Ó Dálaigh, ach go háirithe.

lámhscríbhinní déanacha chomh fada agus a d'imigh siad ón dul clasaiceach. De réir mar a tugadh aghaidh i dtreo dheireadh na 19ú hAoise ar an teanga—a bhí ar tí titim ina deilín<sup>76</sup> neamhliteartha nó dul as úsáid go hiomlán—a chaomhnú ar dtús, agus ansin ar í a athbheochan ar dhóigheanna éagsúla, tharla sé go nádúrtha go raibh ann, den chéad uair, dream ar phríomhábhar spéise dóibh an teanga bheo. Tuigeadh go luath go raibh buntáiste mór ag an gcorpas sin 'nua-litríochta' a cumadh le breis agus dhá chéad bliain anuas ar an seanábhar léannta toisc go raibh sí intuigthe do chainteoir maith Gaeilge go fóill ar an móróir, agus caithfidh sé gur thaitin nádúr bunúsach na litríochta déanaí leis an gclaonadh chun cúigeachais ba thréith intreach de chuid Athbheochan na Gaeilge sna blianta luatha sin. Bhí na díograiseoirí Gaeilge a chuir spéis i gcúrsaí béaloidis agus canúna ag teacht ar fhuíollach na lámhscríbhinní faoin tuath, an beagán a tháinig slán ón mórshlad a rinneadh orthu le leathchéad bliain anuas. Níorbh annamh do na bailitheoirí seo trácht ar scéalta a chuala siad faoi chnuasaigh lámhscríbhinní a scriosadh le déanaí—bosca lámhscríbhinní a caitheadh in abhainn in áit amháin mar a mbíodh traidisiún láidir scríbhneoireachta, baclainn leabhar eile a dhóigh páistí scoile, nó a shrac siad óna chéile nuair a tugadh dóibh iad mar bhréagáin—le cur in iúl don phobal go raibh gá lena gcaomhnú agus lena dtabhairt le chéile, agus dar an leabhar go bhfuair lucht na hAthbheochana féin ábhar maith díospóireachta sna scéalta seo le tacú leis na hargóintí a bhí á ndéanamh acu faoi 'Ghalldú' mhuintir na hÉireann: 'an unworthy, ignorant, anglicised generation of our own selves' ba chionsiocair leis an lot, dar le hÉnri Ó Muirgheasa (1915: xii). Fágann sin nár chás dóibh róbhéim a chur ar lot na lámhscríbhinní fosta nuair a d'fheil sin dóibh. Thug eagarthóirí *Irisleabhar na*

---

<sup>76</sup> B'in an focal a d'úsáid Aodh Ó Dálaigh i réamhrá fada a chuir sé le lámhscríbhinn a ghráf sé dá phátrún, Francis Stoughton Sullivan, CT H.1.12 (1286), f. 185, chomh fada siar leis an mbliain 1746, 'a ndothc[h]as nach biaidh re radh lucht fathraidh, no cul cainte na b[h]Fraincach, no na Saxon, gur dellín no beulradh gan sult in teangaidhe [sic] Gaeid[h]ilge no in Scoit-B[h]earla'.

*Gaedhilge* agus *An Claidheamh Soluis* spás ar leith d’ábhar na lámhscríbhinní scaití, agus ba ar *Irisleabhar na Gaedhilge* a foilsíodh cuid de na catalóga luatha de chnuasaigh a bhí i seilbh phríobháideach, maille leis an gcéad srac-chuntas ar lámhscríbhinní Oiriaila, a cuireadh i gcló mar iarfhocal leis an gcatalóg de lámhscríbhinní an Ath. James O’Lavery<sup>77</sup> sa bhliain 1906. Laige amháin atá ar na catalóga seo is ea nár bacadh go minic le stíleanna peannaireachta a dhéanamh amach óna chéile, sa dóigh gur leor do na cláraitheoirí an chéad síniú agus dáta scríofa a tháinig ina dtreo a chur síos mar chuntas lom ar na lámha éagsúla a raibh páirt acu sna saothair seo, ach chuir siad mórán eolais ar fáil faoin traidisiún, agus táthar fós i dtuilleamaí ar chuid de na catalóga seo mar uirlisí taighde, sin agus na téacsanna a chuir siad i gcló go mórmhór. Bhí cuid mhaith de na bailitheoirí béaloidis ba mhó ina mbailitheoirí lámhscríbhinní fosta, Dubhglas de hÍde agus Énrí Ó Muirgheasa, mar shampla, a d’fhéach orthu mar fhoinsí litríochta go príomha. Chuir scoláirí eile ar nós Sheosaimh Laoide—a d’fhoilsigh ina dhiaidh sin cnuasach d’fhillíocht na Mí dar teideal *Duanaire na Midhe* (1914)—spéis sna tréithe canúna agus san ábhar foclóra a bhí iontu; féach go ndearna sé dianiarracht sa saothar sin foirmeacha na lámhscríbhinní a chur i gcomórtas lena raibh le cluinstitín go fóill sa cheantar sin. Ina ainneoin sin, is ar éigean a d’fhéadfaí a rá gur éirigh leo bunáite na leabhar a tharrtháil, ná gur mheas gach duine acu gur ghá gach blúire, dá olcas é, a thabhairt slán.<sup>78</sup>

---

<sup>77</sup> Mac Néill (1906; 1906a; 1906b; 1906c). Tá an t-iarfhocal i gcló in Mac Néill (1906c: 226 col. a – 227 col. a).

<sup>78</sup> Féach, mar shampla, an nóta a scríobh Abbott (1900: 376) ina chuntas garbh ar CT H.5.2 (1374), sular foilsíodh an *T.C.D. Cat.*, ‘Contains bad copies of some trifling poems’, agus tá an meon céanna le haithint ar a bhfuil scríofa fá dtaobh den lámhscríbhinn chéanna in Ó Domhnaill (1930: 47), ‘The MS. is in very ragged condition. It is, however, not worth preserving as its contents are next to worthless, The “Agallamh” is ... very incomplete and incorrect’. Níorbh annamh nár tuigeadh luach na gcóipeanna seo; mheas Abbott (1900: 367) nach raibh in CT H.5.9 (1381) ach ‘poems ... of little value ...’ Mhol O’Rahilly an cnuasach maith de dhánta grádha atá sa leabhar céanna (féach Caib. 1.3 thíos).

Tá glacadh leis anois go bhfuil na lámhscríbhinní déanacha ina bhfoinsí maithe eolais ar chanúintí marbha, agus ar fhorbairtí stairiúla canúintí eile a rianú, ó bhunaigh T. F. O’Rahilly a leabhar siúd *Irish Dialects Past and Present* (1932) ar fhoinsí lámhscríofa mar thobar eolais áit nach raibh teacht ar chainteoirí beo. Úsáideadh iad go príomha sa leabhar seo, agus san iomaí leabhar eile ar a lorg, le faisnéis a sholáthar faoi úsáid stairiúil foirmeacha dearbhaithe canúna, ar an tuiscint gur leid iad dearmadtaí nó litrithe neamhchlasaiceacha na scríobhaithe (iad siúd nach sleamhnuithe pinn iad) ar an dóigh a bhfuaimnídís na focail féin, agus ní bhíonn an deilbhíocht saor ó chanúnachas. Comhthoradh air sin is ea gur féidir úsáid a bhaint as ‘canúint’ lámhscríbhinne le tuairim a fháil ar áit dhúchais an scríobhaí mura bhfuil a leithéid sin curtha ar phár aige cheana féin, ach is minic a sháraítear iarrachtaí den sórt seo toisc nach mbíonn an t-eolas flúirseach, leanúnach nó iontaofa go leor, agus tá fáth leis seo.<sup>79</sup> De bhreis ar na gnáthcheisteanna réime, is é bun agus barr an scéil nach mbíonn faisnéis na lámhscríbhinní chomh mionsonraithe no deifínídeach sin, ach i gcorrchás, gur féidir talamh slán a dhéanamh de go mbaineann scríobhaí éigin—nach dtugann a áit scríofa—le dúiche, nó le contae ar leith, fiú, ar bhonn na bhfoirmeacha canúna atá ina chuid lámhscríbhinní amháin. Bítear in ann, ó am go chéile, trí anailís ghéar chomparáideach a dhéanamh ar na foirmeacha, tomhas measta, nach buille faoi thuairim é ar chor ar bith, a thabhairt faoin mórcheantar ónar shíolraigh an scríobhaí.<sup>80</sup> Fágann sin gur maith an tacú iad foirmeacha canúna lenár

---

<sup>79</sup> Féach nár chuir T. F. O’Rahilly féin roimhe a leithéid a dhéanamh, ‘We are fortunate if, in trying to reconstruct the lost dialects of the anglicized districts, we can point to some surviving Irish MS. written during the last two or three hundred years by a native of one of those districts. ... Sometimes too, we tantalizingly meet with a MS., the spelling of which betrays dialect peculiarities without our knowing for certain the native district of its writer’ (O’Rahilly 1932: 3).

<sup>80</sup> Bhí Piatt (1933: 31 col. b – 32 col. a) in amhras faoi bhailíocht na bhfoirmeacha seo, agus tá plé maith ag Ó Buachalla (1975-6: 307) ar na deacrachtaí a bhaineann lena n-úsáid le háit dhúchais scríobhaí a mheas. Ar an taobh eile den scéal, deir Piatt (1933: 5 col. b) áit eile, ‘The main lines of Leinster pronunciation being established it will be possible to judge, for instance, how much of the pronunciation which poetic rhythm requires in the work of the Leinster poets, ... of the **Leabhar Branach**,—is local, and how much artificial’. De bhreis ar an méid seo, ní féidir glacadh leis gurbh é

sásamh féin gurbh as an dúiche sin a luann sé ina lámhscríbhinní don scríobhaí, ach nach líonfaidh siad, na foirmeacha, bearnaí móra i mbeathaisnéis scríobhaí aduain go deimhin.

Is í an tríú feidhm atá ag na lámhscríbhinní, agus feidhm nár tugadh aird cheart uirthi i gcás na lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge go dtí le déanaí, go bhfuil cuid mhaith eolais le bailiú uathu faoi stair shóisialta na gceantar inar scríobhadh iad, cé go raibh cuid de na scoláirí luatha a chuir spéis i lámhscríbhinní an Tuaiscirt, an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh agus an tAth. Lúcas Ó Domhnalláin san áireamh, ina staraithe áitiúla fosta. Ba mhinic fosta staraithe den chineál seo nár scoláirí Gaeilge dáiríre iad ag cuidiú leo: féach gurbh é Hugh Kelly an té ba mhó a chuardaigh eolas faoi lámhscríbhinní cailte i ndeisceart Cho. Ard Mhacha.<sup>81</sup> Tá neart blúirí beaga eolais ar ghnáthshaol agus ar thuairimí an phobail i dtéacsanna na lámhscríbhinní—más é go gcuirtear os ár gcomhair ar bhealach nósúil iad—nach bhfaighfí sna páipéir stáit, mar a dúirt Ó Fiaich (1970: 32-3), a chuir spéis sa chineál taighde seo.<sup>82</sup> Ón am ar scríobh

---

an scríobhaí féin atá freagrach as gach foirm chanúna atá i lámhscríbhinn ar bith; nó b'ionann sin agus a rá go raibh na bunsaothair a chóipeáil sé agus na heiseamláirí ina bhfuair sé iad saor ó chanúnachas, ní nach bhfuil fíor ach oiread i gcás na scríobhaithe ó thréimhse na Nua-Ghaeilge, i gcás na filíochta nua-aimseartha ach go háirithe; féach go bhfuil Watson (1991) agus Ó Fiaich (1973) tar éis úsáid a bhaint as téacsanna lámhscríofa le canúintí na n-údar féin (nárbh iad na scríobhaithe iad) a dhéanamh amach. Tá nótaí spéisiúla ar fhoirmeacha canúna i lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge, agus an dóigh ar cóir caitheamh leo, in Ó Buachalla (1975-6: 307) agus in Ó Buachalla (1977: 221-2). Is dóigh go bhfuil *strata* éagsúla d'fhoirmeacha canúna sna lámhscríbhinní, ag brath ar chumas an scríobhaí agus ar a ghaire do bhunleaganacha na dtéacsanna atá na cóipeanna atá iontu, agus caithfidh sé gur mhéadaigh líon na bhfoirmeacha canúna a baineadh go díreach ó eiseamláirí de réir mar a mheath cumas na scríobhaithe an teanga a litriú i gceart trí na blianta. Cé gur nós do na scríobhaithe, dealraíonn sé, tarraingt ar na lámhscríbhinní a bhí ar a ngar, thig linn samplaí a lua de lámhscríbhinní a babhtáladh ó chontae go contae laistigh d'achar gearr ama, agus tá impleachtaí aige seo ar cheisteanna canúna: féach gur thug Watson (1979: 115) faoi deara go bhfuil samplaí d'fhoirmeacha canúna a fheictear i lámhscríbhinní Oirthear Uladh (agus a bhaineann leis an taobh sin tíre amháin) sna cóipeanna Muimhneacha den téacs 'Mac na Míchomhairle', ar prós Ultach é ó bhunús, in ainneoin go bhfuil difríochtaí téacsúla idir na cóipeanna Ultacha agus Muimhneacha.

<sup>81</sup> Tá beathaisnéisí ar an tríúr seo in Ní Uallacháin (2003: 358-60; 361-3; 389).

<sup>82</sup> Scríobh sé: 'This ragged and rakish group of singers ... are almost the only voice that the native population of Ulster possessed during the eighteenth century. Lecky's five volume History of Ireland in the eighteenth century, based almost exclusively on Government sources, takes as little account of them as it does of the Hidden Ireland of Munster. It looks out on the provinces through Dublin spectacles, and Georgian Dublin knew them not' (Ó Fiaich 1970: 32-3). Is spéisiúil, diomaite de go bhfuil cuid mhaith de chaint Corkery (1924) sa sliocht seo, nach dtéann sé chomh fada agus a chuaigh seisean leis an teoiric sin. Tuigtear anois, áfach, nach bhfuil sa mhéid sin ach cuid den scéal, agus

Domhnall Ó Corcora a leabhar clúiteach, *The Hidden Ireland* (Corkery 1924),<sup>83</sup> bhí tuiscint éigin ann go raibh cineál de cheangal éigin ann idir na lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge agus na dálaí sóisialta inar scríobhadh iad, agus claonadh ag lucht cumtha na litríochta agus lucht a scríofa iad féin a eagrú i ngrúpaí beaga nó i ‘gciorcail’.

Tuigeadh fosta go gcuireadh scríobhaithe ábhair chuig a chéile le cóipeáil, ach is ar éigean a d’fhéadfaí a rá gur tosaíodh i gceart ar staidéar a dhéanamh ar dháileadh geograifeach na lámhscríbhinní atá againn, agus na naisc a bhí idir na scríobhaithe, go dtí an dara leath den 20ú hAois, nuair a bhí cuid mhaith den ábhar cláraithe. Céim ollmhór chun tosaigh ab ea iad na staidéir a rinneadh ar scríobhaithe ó cheantair ar leith, Ó Conchúir (1982) ach go háirithe, agus tá neart forléargas ar fáil ar scríobhaithe contaetha eile in imleabhair éagsúla den tsraith *History and Society*, atá ag teacht ar an láthair de réir a chéile le fiche bliain anuas.

Tugann an chuid is mó de na cuntais seo bunolas faoi bheathaisnéisí na scríobhaithe ar ar féidir tógáil amach anseo, agus tá imlínte thraidisiú(i)n an Tuaiscirt déanta amach cheana ag de Brún (1969), Ó Buachalla (1969: 7-10; 1975: 21-31; 1979: 338-41; 2009), Watson (1979: 11-17), agus Ó Baoill (2007), ina bhfuil liosta maith de scríobhaithe an Tuaiscirt agus iad aicmithe faoi na contaetha ina mbídís ag scríobh, agus eile. Ó tharla go bhfuil aghaidh cheart á tabhairt ar struchtúr an traidisiúin liteartha anois le cúpla scór bliain anuas, agus gur gnách anois d’eagarthóirí téacsanna dianscrúdú a dhéanamh ar línte seachadta agus tréithe cóipeála na gcóipeanna atá againn anois, go bhfuil spéis á cur sna naisc a bhí ann idir na scríobhaithe féin, agus nach dócha go dtiocfaidh mórán lámhscríbhinní eile chun

---

caitheadh roinnt amhrais ar an léiriú traidisiúnta seo thart faoin am céanna ar foilsíodh an t-alt seo, in Cullen (1969).

<sup>83</sup> Más rud é nár thaitín an claonadh a bhí aige litríocht na Mumhan a mhóradh le scríbhneoirí Ultacha, tá bunteoiric agus cur chuige an leabhair sin á gceistiú ó thug Cullen (1969) faoi choincheap lárnach an tsaothair a scrúdú ó bhonn. Féach nóta 139 thíos, mar a bhfaighfear sliocht as léirmheas Uí Mhuireadhaigh (1925) air.

solais—lámhscríbhinní an Tuaiscirt ach go háirithe, dealraíonn sé—fágann sin gur fiú iarracht a dhéanamh ar shaothair na scríobhaithe féin a thabhairt le chéile le go mbeifear in ann iad a shuíomh i gcomhthéacs an traidisiúin féin, agus iad a cheangal le grúpaí scríobhaithe eile a bhí suas lena linn. Tagann sé le céill gurb í an chéad chéim eile san obair seo liostaí bunúsacha de lámhscríbhinní na scríobhaithe seo, agus an t-eolas lom so-aimsithe beathaisnéise atá sna lámhscríbhinní, a chur ar fáil in aon áit amháin, mar a rinne Ó Conchúir (1982) do scríobhaithe Cho. Chorcaí.

Rinneadh neart taighde sa tréimhse chéanna ar dháileadh na lámhscríbhinní agus a gcuid téacsanna i gcontaetha an Tuaiscirt,<sup>84</sup> agus laistigh de na contaetha féin, agus ar cheisteanna eile—seachadadh ábhair, sealbhú scripte, agus ar na naisc a bhí ann idir cultúr na lámhscríbhinní agus an chló ach go háirithe. Maidir le beathaisnéisí scríobhaithe an Tuaiscirt go ginearálta, is í an fhoinsé eolais is fearr go fóill leabhar Uí Bhuachalla, *I mBéal Feirste Cois Cuain* (1968), ach go bhfuil an t-ábhar a thugtar ann teoranta mar gheall ar scóip an leabhair; tá eolas maith ar fáil in dhá fhoilseachán eile a cuireadh i bprionta le déanaí, Ó Baoill (2007), agus de Brún (2009). An t-eolas beathaisnéise a thugtar sna lámhscríbhinní féin, tá sé thar a bheith srianta agus luaineach go deo, agus braitheann an méid adhmaid atá le baint astu ar an méid acu a tháinig slán ón lot; is minic fosta go mbíonn againn tagairtí fáin do shaothrú lámhscríbhinní nach féidir ciall a bhaint astu. Is trí stair na lámhscríbhinní agus a gcuid scríobhaithe féin a dhéanamh amach, na háiteacha ar grafadh iad, agus na leabhair as ar cóipeáladh iad, a bheifear in ann eolas a sholáthar faoin dóigh a gcuirtear lámhscríbhinní le chéile, agus faoi na gréasáin liteartha trínar scaipeadh an litríocht seo. Níor bheag an gar eolas maith beathaisnéise a bheith againn ar na scríobhaithe féin. Is é an donas gur gnáiche an t-eolas sin uainn ná againn.

---

<sup>84</sup> Mar a míníodh an téarma seo sa nóta teicniúil, uimh. 2, thuas.



### **1.1.1. Staidéar na Lámhscríbhinní, agus Deacrachtaí a Bhaineann Leo**

Tagann formhór mór an eolais sho-aimseartha atá ar fáil faoi na scríobhaithe óna gcuid colafoin féin, agus nótaí imeallacha sna lámhscríbhinní, agus is minic is éagsúla ar fad iad ná ábhar na leabhar féin. An méid sin ráite, bhaineadh na scríobhaithe úsáid as foirmlí éagsúla sna colafoin seo, ach ní hionann sin agus a rá go n-úsáidtear iad ar bhonn struchtúrtha sna leabhair i gcónaí: bhíodh scríobhaithe áirithe thar a bheith sparálach leo, nó ligeann siad tharstu a n-ainmneacha a scríobh ar chor ar bith. Is ar éigean a chailleann dream eile acu deis an saothar a cheangal leo féin; is minic a bhíonn giotáí beaga eolais sa bhreis thall is abhus ag na daoine seo ina gcuid lámhscríbhinní.<sup>85</sup> Tá tábhacht ar leith ag baint leis na colafoin seo, ós taifid nithiúla iad, agus tá siad i bhfad níos iontaofa ná na húdair a leagann na scríobhaithe ar chuid mhaith den ábhar a chóipeáil siad.<sup>86</sup> Tharlódh sé go bhfuil cúpla eisceacht leis seo fosta.<sup>87</sup> Cé nach gá cruinneas na ndátaí a thugann na scríobhaithe a cheistiú, is minic nach mbíonn an t-eolas a thugtar sna lámhscríbhinní iomlán amach is amach, tharla go gcuireadh roinnt scríobhaithe dátaí lena gcuid oibre go rialta, agus go mbíonn dátaí tosaithe agus críochnaithe luaite corruair ag duine nó beirt acu; ní bhíonn ach dáta amháin áit éigin i gcorp na lámhscríbhinní ag cuid eile acu, agus

---

<sup>85</sup> Tugtar samplaí den chineál eolais atá iontu i gCaib 1.2.1 thíos.

<sup>86</sup> Ba mhinic a leagtaí téacsanna go huathoibríoch ar údair a samhlaíodh lena gcineál; féach gur minic go ndeirtear gur chum Philip Ministéir (*ob.c.*1719), an ‘Parson Brady’ mór le rá, cuid mhaith de na rainn fáin binbeacha atá sna lámhscríbhinní ina ndéantar magadh ar shagairt, mar aon le ‘Mac na Míchomhairle’ agus ‘Comhairle Mhic Clámha’, mar gheall ar an gcineál grinn atá iontu. Fágтар dánta cráifeacha ar Shéathrún Céitinn nó ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh, agus bíonn cuid de na scríobhaithe Oiriaila róchíocrach le dánta déanacha a leagan ar Shéamus Mac Cuarta nó a lucht comhaimsire. Dúirt Máirín Nic Eoin (1998: 65-6), agus í ag tarraingt ar thuairim Thomson nach fiú a bheith buartha faoi cheist an údair i gcás téacsanna clasaiceacha, nach mór an cuidiú dúinn ainm an údair a bheith againn go minic, cibé rud é, ‘Is minic a bhíonn ainm údair ar eolas againn ach nach mbeadh aon eolas puinn againn ina dhiaidh sin faoina bheatha. Sin mar atá i gcás an chuid is mó d’fhilí na scol, mar shampla. Táthar taobh le cáipéisí stáit mar phardúin, agus le fianaise inmheánach na dtéacsanna liteartha dá gcuid atá caomhnaithe sna lámhscríbhinní le teacht ar shonraí beathaisnéisiúla, agus is minic nach mbíonn eagarthóirí ach in ann an frídín is lú eolais a aimsiú faoi fhilí áirithe’.

<sup>87</sup> Féach Caib. 1.3.4 thíos, mar a bhfuil plé ar dhíobháil a rinneadh do cholafoin áirithe le hainm an scríobhaí a athrú.

fágann sé sin gur doiligh tuairim a fháil ar an méid ama a chaith siad á ngrafadh. Níos measa fós, tarlaíonn sé ó am go chéile go mbíonn lámhscríbhinn amháin ó cheart roinnte ina codanna ag na sealbhóirí a fuair greim uirthi i ndiaidh an scríobhaí féin, sa dóigh nach furasta a rá go bhfuil an saothar go léir againn: sampla amháin de seo is ea na trí lámhscríbhinn, mar dhea, a chuir Maghnus Ó Domhnaill le chéile,<sup>88</sup> arbh aon lámhscríbhinn amháin iad tráth, agus gan ach dáta amháin luaite aige i gceann de na codanna, 1706. Tagann de sin go gcaithfear, cheal faisnéise eile, an dáta scríofa 1706 a chur le gach ceann acu go meicniúil, ach ní gá gur scríobhadh aon siolla den dá chuid eile go díreach sa bhliain sin. Is measa go mór cúrsaí nuair a bhíonn a mhalairt d'fhadhb i gceist, agus ní féidir a bheith deimhnitheach dá mhinice agus a tharlaíodh seo: is é sin, nuair a ceanglaíodh blúirí de lámhscríbhinní éagsúla le chéile mar aon lámhscríbhinn amháin, agus gan dáta ach ar chuid díobh, sa dóigh go bhféadfadh sé gur scríobhadh iad i bhfad i ndiaidh a chéile, ach go gcaithfear cloí leis an tuairisc atá againn ar na dátaí.<sup>89</sup> Ina dhiaidh sin, tchíonn muid corruair breiseanna móra i lámhscríbhinní a chuir an scríobhaí féin leo, agus gan a fhios dá laghad againn cá huair a scríobhadh iad; féach go bhfuil dán a cumadh sa bhliain 1736 curtha isteach ag an scríobhaí féin, Séamus Bacach Mhag Uidhir, ag deireadh na lámhscríbhinne LN G167, lámhscríbhinn nach bhfuil ach dáta amháin inti, an 29 Bealtaine 1727, ar an leathanach díreach roimh an ábhar breise seo.<sup>90</sup> Sampla eile de seo is ea an dán dar dáta 1771 a chuir Seán Mac an tSaoir le lámhscríbhinn a ghráf sé le linn a óige sna 1740í.<sup>91</sup> Méadaíonn an mearbhall a bhí ar scríobhaithe eile faoi

---

<sup>88</sup> Féach an cuntas air i gCaib. 2.152 thíos.

<sup>89</sup> Ar na samplaí de seo atá againn, tá LB Eg. 208, a scríobh Peadar Dubh Ó Dálaigh agus an dáta 1826 uirthi in áit amháin. Is soiléir ón gcaitheamh atá ar chuid de na leathanaigh go raibh an lámhscríbhinn ina cruinnithe [sa bhrí: *gatherings*] scaoilte le fada, agus d'fhéadfadh sé nár scríobhadh iad uilig ag an am céanna.

<sup>90</sup> Mar a luaigh Ó Cléirigh (1939: 52), Ó Cléirigh (1940: 89), agus Nessa Ní Shéaghdha san *N.L.I. Cat.*, v, 8.

<sup>91</sup> LN G286, ff. 66v-68.

chúrsaí dátaithe na fadhbanna seo uilig, mar aon leis na ceartúcháin bheaga agus eile a rinne siad ar théacsanna,<sup>92</sup> an díobháil a rinneadh do cholafoin, agus an mí-ord a bhíonn ar chuid de na lámhscríbhinní; agus caithfear déanamh de réir an eolais atá romhainn, agus atá inléite go fóill.

Ó thaobh líon na lámhscríbhinní de, tá cuid mhaith de shaothar scríobhaithe áirithe ar fáil go fóill, nó d'fhéadfadh sé gur chruinne a rá gur caomhnaíodh cuid mhaith de na lámhscríbhinní a ghráf siad ag pointí áirithe ina saol, nó i gcomhthéacsanna áirithe. Ina measc siúd, tá Séamus Mac Giolla Ruaidh ó Bhaile an Scothaigh, Co.

Mhuineacháin, a ghráf a bhfuil againn dá shaothar do Phádraig de Búrca ó Bhéal Feirste idir na blianta 1811 agus 1818,<sup>93</sup> seachas ceann amháin acu a scríobhadh don Dr Séamus Mac Domhnaill (1763-1845), pátrún eile ón gcathair chéanna, sa bhliain 1812, agus is cóip ghlan í den obair a bhí á déanamh aige do Phádraig an bhliain roimhe sin.<sup>94</sup> Níl againn leabhar ar bith a chuir sé le chéile dá úsáid féin, agus is ar éigean is féidir a chreidiúint nárbh ann dóibh. Taobh amuigh den tréimhse 1811-1820, ní chluintear a dhath ar bith faoin duine seo, ach tagairt fáin do mhúinteoir darbh ainm James M'Elroy a bhí ag teagasc gar do Mhuineachán, an baile mór, sa bhliain 1824. Ní haon rud uathúil é go mbíonn an chuma ar an scéal go raibh scríobhaithe áirithe thar a bheith bisiúil ar feadh tamall gairid, agus go dtéann siad as amharc a bheag nó a mhór ina dhiaidh sin. Féach go dtagann formhór mór an ábhair atá againn ó lámh Sheáin Mhic an tSaoir, trí lámhscríbhinn mhaithe, ón tréimhse idir 1744 agus 1746, cé go gcaithfidh sé gur ghráf sé dhá bhlogh eile corradh agus ceathrú céid ina dhiaidh sin; ba idir 1787 agus 1793 a scríobhadh leabhair Henri

---

<sup>92</sup> Bhíodh Peadar Ó Gealacáin agus Risteard Tuibear ag ceartú a gcuid oibre de shíor.

<sup>93</sup> Bhí fáil ar lámhscríbhinn amháin eile dá chuid, a ghráf sé do Phádraig de Búrca sa bhliain 1820, corradh agus céad bliain ó shin nuair a cuireadh ar ceant le cnuasach William Reeves sa bhliain 1892 í; féach nóta 1673 thíos.

<sup>94</sup> Grafadh COC C[6] (119) do Phádraig de Búrca in 1811, agus COC M37 (37) don Dr Séamus Mac Domhnaill sa bhliain 1812.

Mhic an tSaoir; agus d'éirigh le hEoin Ó Gribín trí lámhscríbhinn a chur dá láimh idir na blianta 1798 agus 1799, agus gan a dhath ar bith againn do na blianta roimhe nó ina dhiaidh sin.

I dtaca le scríobhaithe eile, bíonn bearnaí deich mbliana nó níos mó ná sin sna lámhscríbhinní atá againn uathu—Pádraig Mhac Gatháin, mar shampla, a bhfuil glacán maith lámhscríbhinní dá dhéantús féin ar fáil go fóill, ach amháin nach bhfuil a dhath ar bith óna láimh againn a scríobhadh idir na blianta 1828 agus 1843, taobh amuigh de chúpla nóta fáin a scríobhadh in 1835 agus ag deireadh na bliana 1842.<sup>95</sup> Is dócha gur tháinig lear mór de lámhscríbhinní ghrúpa Thaidhg Uí Neachtain anuas chugainn toisc gur tuigeadh do na bailitheoirí lámhscríbhinní a tháinig ina ndiaidh go raibh luach ar leith ag baint leo, sa dóigh gur cuireadh ó bhailitheoir gairimiúil go bailitheoir eile iad. Tá a ndóthain de bhearnaí iontu fosta. Deirtear gurbh é Muiris Ó Gormáin, a bhí freagrach as cuid mhór de na lámhscríbhinní seo a thabhairt slán go dtí an chéad ghlúin eile, an scríobhaí ba bhisiúla de chuid an Tuaiscirt a bhí beo sa tréimhse seo, agus ní gan údar maith a deirtear sin. Dála Mhuiris é féin, cé go bhfuil mórán againn ón tréimhse a chaith sé i mBaile Átha Cliath, níl againn ach leabhair fhánacha ó bhlianta a óige a scríobhadh i gCo. Mhuineacháin agus sna contaetha fá gcuard. An scéal céanna i gcás Aodha Uí Dhálaigh (*fl.*1721-72) nó gur fhostaigh an Dr Francis Stoughton Sullivan é thart faoin mbliain 1742, agus is dócha nach mbeadh an-chuid de na leabhair a scríobh sé dó ar fáil anois murab é gur cheannaigh Coláiste na Tríonóide leabhair Ghaeilge an Dra Sullivan ar an móróir nuair a fuair sé bás go luath sa bhliain 1766 (O'Sullivan 1976: 237-8). Tarlaíonn sé uair nó dhó go mbíonn bearna tríocha bliain i saothair scríobhaithe áirithe, agus gan trácht orthu idir

---

<sup>95</sup> Tchífeadh thíos go bhfuil bearnaí i saothar roinnt mhaith scríobhaithe idir c.1830 agus c.1840: Art Mhac Bionaid agus Peadar Ó Gealacháin ina measc; féach an cuntas ar an *Irish Society* in de Brún (2009).

an dá linn. Tá ceithre lámhscríbhinn againn a ghráf Énrí Ó Caiside, agus dhá cheann acu gan dáta. Maidir leis an dá cheann eile, scríobhadh ARÉ E.iv.2 (995) sna blianta 1657 agus 1675 (gan dátaí eile a bheith luaite inti), agus an dara lámhscríbhinn, OCH 500, sa bhliain 1703.

Bíonn an dá fheiniméan seo ina gconstaic ar dhóigheanna difriúla. I dtaobh na scríobhaithe a bhfuil dornán leabhar dá gcuid againn a scríobhadh go gairid i ndiaidh a chéile—Eoin Ó Gribín a luaigh muid cheana, mar shampla—is ar éigean a thugann dátaí scríofa na dtrí leabhar lena chéile aon phioc eolais bheathaisnéise sa bhreis ar a bhfaighimis in aon cheann acu leis féin; tá na bearnaí i saothar Énrí Uí Chaiside chomh mór sin go n-ardaíonn sé ceist eile: an féidir go bhfuil beirt scríobhaithe ar leith ó ghlúnta difriúla i dtrácht againn anseo? Bíonn athrú beag ar an bpeannaireacht i gcónaí tar éis achar fada den chineál seo. Is cuid dár mianach glacadh leis nárbh fhéidir sin, nuair atáthar ag plé le lámhscríbhinní a scríobhadh lasmuigh de Chúige Mumhan ach go mór, ach is é fírinne an scéil gur tharla sé seo cúpla uair: a fhad is a bhí Conchubhar Ó Luinín [1] ag gabháil do lámhscríbhinní a chóipeáil idir 1676 agus 1712, bhí Conchubhar Ó Luinín [2] eile ag saothrú i gCo. Liatroma in 1693, agus é ina bheatha chomh mall leis an mbliain 1710. Ní féidir gurbh aon duine amháin iad, ar an bpeannaireacht agus eile, agus tá áitithe agam i gCaib. 2 den tráchtas seo go raibh beirt scríobhaithe ann darbh ainm Séamus Mac Giolla Ruaidh ag cóipeáil lámhscríbhinní thart faoi thús na 19ú hAoise: duine amháin acu ag scríobh i gCo. Cheatharlach sna 1790í; agus an Séamus seo againne, an fear a bhí i dtrácht cheana, ag cóipeáil leis i mBaile an Scotaigh, Co. Mhuineacháin, idir 1811 agus 1820; beirt darbh ainm Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara a litríodh a n-ainm go mícheart ar an dóigh chéanna, beagnach—Toirdhealbhadh <Mac> ol Chear— agus a bhaineadh leis an dúiche chéanna, measaim, áit éigin i dtuaisceart Cho.

Mhuineacháin.<sup>96</sup> Is é an baol atá leis seo go bhféadfaí dul thar fóir ar fad, agus leathdiosaen scríobhaithe den ainm céanna a dhéanamh de scríobhaí amháin a raibh peannaireacht sho-athraithe aige.<sup>97</sup> Chuir an t-athrú a tháinig ar pheannaireacht Pheadair Uí Ghealacáin ón tréimhse 1824-1829 go dtí an t-am ar scríobh sé an chéad leath de LN G200 (a)<sup>98</sup> cláraitheoir ARÉ 24P20 (1072) amú, sa dóigh gur measadh gur scríobh athair agus mac darbh ainm sin an dá bhlogh atá sínithe ag Peadar sa lámhscríbhinn sin. Is luatharracht í an chéad cheann acu, agus tá an dara ceann scríofa ina lámh mhaith chleachtaithe. I lámhscríbhinn eile le Peadar, tchíonn muid é ag déanamh aithris ar thréithe peannaireachta na heiseamláire a bhí roimhe.<sup>99</sup> De bhreis ar an méid seo, is doiligh a bheith deimhnitheach cé acu atá duine amháin nó beirt scríobhaithe darbh ainm Peadar (Dubh) Ó Dálaigh agus Tomás Ó Doirnín (*qq.v.*) i gceist i gCaib. 2, tharla athruithe beaga i bpeannaireacht a gcuid lámhscríbhinní, ach gurbh éigean glacadh leis nach raibh go mbeidh eolas breise ar fáil fúthu.

Is é an donas nach mbíonn tagairtí comhaimseartha ar fáil a chinnteodh cuid de na deacrachtaí a gcasann muid leo sna lámhscríbhinní. Nuair a thagann muid ar thagairt do lámhscríbhinn nó d'eiseamláir eile a úsáideadh le lámhscríbhinn a chur le chéile, is minic nach mbíonn teacht ar an eiseamláir féin, agus ní bhíonn de chruthú againn go raibh ann do scríobhaithe nó do ghrúpaí scríobhaithe áirithe ach tagairtí den chineál seo. Chuir Ó Tuathail (1923: 60) dhá dhán i gcló a scríobh beirt scoláirí a bhí

---

<sup>96</sup> Bhí tuairim agam uair go raibh beirt scríobhaithe ann darbh ainm Pádraig Ó Pronntaigh, ach ní dóigh liom é anois. Féach Ó Cuív (2001: 48).

<sup>97</sup> Ba dhoiligh a chreidiúint gur scríobh aon duine amháin MN R79, murab é go bhfuil nótaí ag an mBr. Pádraig Ó Brinn tríthi á rá gurbh eisean a rinne an scríobh idir 1778 agus 1781; tharlódh sé nach raibh sé ach ag tosú ar lámhscríbhinní Gaeilge a chóipeáil faoin am sin. Níor scríobh an tAth. Pádraig Ó Brinn MN R79a.

<sup>98</sup> Idir na blianta 1837 agus 1839.

<sup>99</sup> OÉG H39, a cóipeáladh as MN B1. Féach an plé ar bheatha Pheadair Uí Ghealacáin i gCaib. 2.171 thíos.

i dteagmháil lena chéile am éigin roimh an mbliain 1728,<sup>100</sup> Risteard Táth (*ob.*1736) ó Ráth Naoite, Co. Lú, agus an tAth. Uilliam Ó Cléirigh (*c.*1691-1758),<sup>101</sup> dánta ina dtráchtar ar an leabharlann fhairsing a bhí ag Risteard in íochtar Cho. Lú. Tráchtar sa chéad dán ar lámhscríbhinn a d'fhill Risteard ar Uilliam, agus is fiú bloghanna de a thabhairt anseo,

Beannacht leat-sa, a leabhráin, uaim,  
gidh iomdha cruaidh-cheist thríod go lár,  
ó thús Genesis anuas  
go teacht an Uain nó gur fhulaing páis.

A leabhair Iób is na n-aithreach naomhtha,  
a leabhair Mhaoise dar labhair fáidh,  
a leabhair Aron is Dháibhidh an rí,  
a sgatháin chríonnacht' ar ar shíol ó Ádhamh. ...

Bhí do leabhrán agam uaibh,  
seal ar cuairt in m'áice i Lúgh';  
níor bhain fearthainn dó no fuacht,  
is cha dteachaidh luach na h-ola ar gcúl. ...<sup>102</sup>

Freagra ón Ath. Liam chuige, agus é i mbéal an tsagairt agus an leabhair faoi seach;  
caint an leabhair sa mhéid atá faoi seo,

D'fhanas ag Risteárd i Lúgh'  
ó shoin i lúib na leabhar mbán,  
astoigh i n-a library gan chian,  
nach bhfaca mise riamh ní b'fheárr.

Níor fháig fiú na litre dhíom  
nar rannsaigh an tsaoi thríd mo lár;

---

<sup>100</sup> Más ionann an Séamus Táth a luaitear sa dán agus an té a adhlacadh i reilig Lú sa bhliain sin (Ó Tuathail 1923: 83).

<sup>101</sup> Más ionann é agus an tAth. William Clarke (*c.*1691-1758) a adhlacadh i gCill Bhearraigh, Co. na Mí, áit ar rugadh é agus a raibh sé ina shagart ar feadh tamall fada (Cogan 1862: 351; Ó Tuathail 1923: 83). Tá dealramh air seo, óir bhí scríobhaithe Gaeilge eile sa dúiche seo, agus tá sé thar a bheith soiléir go raibh cónaí ar an bhfile Uilliam taobh ó dheas de Ráth Naoite, óir tugann sé fáilte do Risteard Táth 'ón Aird aníos', agus geallann sé dó go rachaidh sé 'síos' (.i. ó thuaidh) go Ráth Naoite, de réir nósanna na Mí.

<sup>102</sup> Mar atá sé i gcló in Ó Tuathail (1923: 60-1).

níor bhris duilleóg in mo bhruach,  
's níor léig fuacht nó teas 'mo dháil.

Libh dá gcleachthaoi, a shagairt óig,  
Library mhór Mhaighistir Taath  
do Ghaoidheilg is milse faoi'n ghréin,  
d'fhanfadh sibh dá léigheadh go bás.

Seanchus ar Ghaoidheilg na ríogh  
ó Éirne na gcraobh go Droichead Áth',  
i ndiadhacht, i seanchus, nó i stair,  
ní'l fear a mheas 'na measg le fagháil.<sup>103</sup>

Ní éasca a bheith deimhnitheach de gur tháinig oiread agus lámhscríbhinn amháin de chuid na leabharlainne sin anuas chugainn, ach is beag lámhscríbhinn is féidir a cheangal le Co. Lú sa tréimhse seo (Ó Baoill 2007: 83), agus níl de leid againn go raibh léann i Ráth Naoite seachas an dá dhán seo, agus leac uaighe an fhir chéanna, ar a bhfuil inscríbhinn Ghaeilge.<sup>104</sup> Is furasta cur leis an sampla seo. An John O'Farrelly sin ó Mhullach, Co. an Chabháin, a bhí ina bheatha thart faoin mbliain 1721, de réir *Irish Writers* O'Reilly (1820: ccxix), más fíor go bhfaca sé lena linn féin leabhar staire dá chumadh, 'Seanchas an Dá Bhréifne', á chaitheamh isteach sa tine ag a bhean féin i racht feirge,<sup>105</sup> ní hé seo an t-aon sampla de shaothar a láimhe ar chinniúint dó scriosadh, óir ní léir gur tháinig an bhlogh sin den 'Seanchas' a luaigh O'Reilly a bheith ar fáil go fóill lena linn anuas chugainn, ná giota ar bith eile

---

<sup>103</sup> I gcló in Ó Tuathail (1923: 62-3).

<sup>104</sup> Tá cóip den leac uaighe in Garstin (1921: 10-12), mar a léigh Butler í sa bhliain 1744, agus mar aon le haistriúchán Béarla uirthi. Tugtar tuilleadh eolais faoin gclann seo in Ó Tuathail (1923: 82-3).

<sup>105</sup> Féach an tagairt a dhéantar dó in *Irish Writers*, 'A.D. 1721. ... John, son of Philip O'FEARGHAOILE, or O'FARRELLY of Mullagh, in the county of Cavan, lived at this time. He was the author of a valuable work called "Seanchas an Dá Bhréifne," or "history of the two Brefnys," which his wife, in a fit of jealousy, committed to the flames; part of it, however, was saved, and is still extant. He also wrote some poems, of which we give the first lines:

1. On his wife burning his book, beginning "A leabhair na seud seunmhar."
2. On jealousy, "Ni chodhlan an chor-ghrian, d'eugmus a céid éin cumain."
3. Beginning "Ni raibh abhal air gheug no smeur air bladhd na ndrías."
4. Beginning "Ta cóip-dhlaogh cas síor-dheas nach áile an ghrian."
5. Begins "A rígh na cruinne, an chum sinne do lag-chlaonadh." (O'Reilly 1820: ccxix).



a bhfuil a ainm leis. Níl de thoradh againn ar obair scríobhaithe an Mhullaigh anois ach lámhscríbhinn bheag a ghráf Pádraig Ó Faircheallaigh (c.1795-1867) in 1811; tharlódh sé gur luathiaracht dá chuid a bhí ann. Tharla lámhscríbhinn eile de chuid an chontae sin i lámha mic léinn darbh ainm David J. Ryan,<sup>106</sup> sa bhliain 1895. Cóip de ‘Eochairgiath an Aifrinn’, agus d’ábhair éagsúla eile a bhí inti, agus scríobh Pádraig Ó Ceogáin idir na blianta 1787 agus 1791 í i mBéal Átha hÉis, áit nach bhfuil cáil an léinn ghaelaigh air ach oiread. Féach an nóta seo a thug an scríobhaí áit amháin: ‘Da mbiadh agam leabhair Ghaoidhlic, ní stadfinn go deoidh dha cceartadh. Is toghtha liom iad no ... cuillim is ceol’ (Mac Néill 1895: 15). Ní fios cá huair a fuair David J. Ryan bás, ach níl teacht ar an lámhscríbhinn seo anois, cibé rud é.<sup>107</sup>

B’annamh a bhacadh scríobhaithe le heolas a thabhairt faoi na foinsí a d’úsáid siad, na scríobhaithe dúchasacha ach go háirithe, agus nuair a bhíonn an t-ádh dearg orainn gur ghráf an scríobhaí nóta éigin ar an eiseamláir a bhí aige, is gnách nach dtig linn an eiseamláir a aimsiú anois. Caithfear a bheith faicheallach faoi chuid de na tagairtí a thugtar corruair, ar scáth na lámhscríbhinne meamraim a chonaic Nioclás Ó Cearnaigh i seilbh Éadbhaird Uí Eachaidh, agus í á hiompar aige i mála ar a dhroim—nó b’in an scéal a bhí ag Nioclás nuair a bhí air a mhíniú cá bhfuair sé foinsí na dtairngreachtaí a chuir sé in eagar sna *Prophecies* (O’Kearney 1856); tharraing Ó hUiginn (2009) aird air le déanaí go bhfuil cosúlachtaí téacsúla agus teanga idir saothar Airt Mhic Bhionaid agus ceithre scéal rómansaíochta a chóipeáil sé d’Éamonn Augustus Mag Aonghusa, scéalta nach bhfuil fáil orthu i lámhscríbhinn

---

<sup>106</sup> Ba as Coill an Chollaigh, Co. an Chabháin do David Ryan, mac le William Ryan, M.D., agus Rose Farrelly. Rugadh ar an 5 Bealtaine 1882 é, de réir an teastais bhreithe (*OAC*, Cláruimhir: 11556882; féach nóta 954), agus chaith sé tamall ina mhac léinn ollscoile i mBaile Átha Cliath, ach bhí sé ina fheirmeoir agus cónaí air i dteach a thuismitheoirí faoin am ar cuireadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1911 le chéile. Tá cúpla nóta ar an leabhar in Mac Néill (1895). Is éard a bhí ann go príomha, cóip de ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’, ach bhí cóip eile de ‘Geineamhain Ghriogóir’ ann, an bheatha a chuir Falconer (1958) in eagar ó LBO Rawl. B477 (25) nuair a bhí sí á clárú in Falconer (1958a). Grafadh LBO Rawl. B477 (25) ar an teorainn idir Co. Mhuineacháin agus Co. Thír Eoghain sa bhliain 1678.

<sup>107</sup> Tugtar mar lámhscríbhinn chailte í sa *Treoir.*, 88 §410.

eile ar bith, cé go ndeir Art go raibh sé ag brath ar cheithre eiseamláir. Den cheathrar a luann sé mar scríobhaithe na leabhar sin, bhí duine acu—Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow (Arthur Brownlow),<sup>108</sup> pátrún lámhscríbhinní—marbh le fada an lá faoi 1729, an dáta scríofa a luann Art leis an lámhscríbhinn. Ar an taobh eile, is dócha gur féidir linn a bheith muiníneach as na tagairtí a thugann Séamus Mac Giolla Chomhghaill, máistir scoile a scríobhadh chun a úsáide féin, go bhfios dúinn, do thrí lámhscríbhinn a bhí os a chomhair go mall sa 19ú hAois—lámhscríbhinn le Tomás Tannam ó Bhaile Roibín, baile fearainn i bparóiste Bhaile an Bharúin, Co. Lú; ceann eile a chóipeáil N. Sheridan in 1760; agus an tríú ceann le Peadar Ó Gabhann, nó Peter Smith, a scríobhadh sa bhliain 1737.<sup>109</sup> Tá na trí lámhscríbhinn seo a d’úsáid Séamus, agus gach ní eile a tháinig ó lámha an triúir a scríobh iad, imithe ó thuairisc. Is mó is trua é, mar sin, go bhfuil na cóipeanna a rinne Séamus cailte fosta: de na seacht lámhscríbhinn a chláraigh Énrí Ó Muirgheasa i gcnuasach Shéamuis Mhic Giolla Chomhghaill, níl ach ceann amháin acu againn inniu.<sup>110</sup> Bhí saothar próis i gceann acu nach bhfuil fáil air inniu, ‘Litir Nuala’, leagan de *Penelope’s Epistle* a d’aistrigh Risteard Pluincéad ag deireadh na 18ú hAoise.<sup>111</sup>

Is beag an gar dúinn anois tagairtí fáin den sórt seo, ach amháin go gcuireann siad in iúl go tréan dúinn nach bhfuil sna lámhscríbhinní a tháinig slán ach scáth den

---

<sup>108</sup> Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow nó Arthur Brownlow (1645-1712). Féach nóta 1738 thíos, áit a bhfaighfear nóta ar a bheatha agus ar an leagan Gaeilge dá ainm, mar a thugtar é in dhá lámhscríbhinn a bhí ina chnuasach.

<sup>109</sup> Féach nóta 110 thíos, mar a bhfaighfear eolas ar chuntais chatalóige a scríobhadh orthu sula ndeachaigh siad ó thuairisc.

<sup>110</sup> Ba sheanlámhscríbhinní iad Coyle 1, a scríobhadh idir 1811 agus 1825, agus Coyle 2; cóipeanna a rinne Séamus Mac Giolla Chomhghaill, idir na blianta 1868 agus 1900, ó lámhscríbhinní eile a bhí sna cúig cinn eile. Fuarthas Coyle 1 in oifig Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1954 (Mooney 1959; Dillon, Mooney & de Brún 1969: 88-9), agus tá sí i gcnuasach na bProinsiasach anois faoin uimhir sheilfe COBÁC A40. Féach na cuntais orthu in Ua Muirgheasa (1905*d*; 1905*e*), mar a bhfuil nótaí ar thagairtí a rinne Séamus Mac Giolla Chomhghaill do na lámhscríbhinní as ar cóipeáladh cuid de na téacsanna.

<sup>111</sup> Dúirt Ua Muirgheasa (1905*e*: 836 col. b) gur ‘Litir Nuala. (Penelope’s letter—in Irish—to her husband, Ulysses). 8 pages’ a bhí ann, agus is dóigh gurb é seo aistriúchán Gaeilge VIII in Pluncead (1791: 32). Toirt na leathanach: 12” x 9”. Féach Ó Casaide (1929*b*: 14), Sharpe (2017*a*: 194), agus na nótaí ar Risteard Pluincéad [2] i gCaib. 2.226, nóta 3618 ach go mórmhór.

traidisiún bunaidh ó thaobh na scóipe agus an dáilte thíreolaigh de (agus ó thaobh ábhair, b'fhéidir), agus gur dhána an té a d'áiteodh nach raibh traidisiún déanta lámhscríbhinní i ndúiche amháin toisc nach bhfuil toradh na hoibre ann anois. De bhreis ar an méid seo, tá cúpla scór lámhscríbhinní de chuid na 17ú hAoise agus ó thús na 18ú hAoise nach féidir iad a cheangal le contae nó le dúiche ar leith, agus níor mhiste sin a mheabhrú nuair a phléifear an méid lámhscríbhinní a tháinig slán chugainn sa chéad chuid eile anseo.




Fig. 1. Líon na scríobhaithe a bhí bisiúil, go bhfios dúinn, do gach tréimhse cúig bliana idir 1650 agus 1904.

### 1.1.2. A bhFuil Againn Anois

Tá ar fáil anois, go bhfios dom, don tréimhse idir 1650 agus 1900, thart faoi 556 lámhscríbhinn<sup>112</sup> ar féidir iad, nó codanna díobh, a leagan ar dhuine amháin, ar a laghad, den 231 scríobhaí a bhí gníomhach sa cheantar, agus a bhfuil a n-ainmneacha againn. Ní ceist dúinn go raibh a thuilleadh acu ann tráth, cosúil leis an triúr scríobhaithe a ndearnadh tagairt dóibh i gCaib. 1.1.1 thuas. B'fhir iad uilig an 231 scríobhaí seo, cé gur féidir go raibh banscríobhaí amháin, Mrs. Molly Rooney, lonnaithe i gCo. Ard Mhacha sa 19ú hAois.<sup>113</sup> Den mhéid seo, bhí 21 scríobhaí ina gcónaí i mBaile Átha Cliath, nó nasctha go láidir leis an ngrúpa scríobhaithe a bhí ag saothrú leo ann sa chéad leath den 18ú hAois, nó ina gcónaí ann am éigin ina dhiaidh sin. Ina measc siúd, thig linn a áireamh leithéidí Sheoin Mhic Sholaidh, a bhíodh lonnaithe den chuid ba mhó i mBaile Hardaman, Co. na Mí, agus a bhíodh i dteagmháil le baill eile den scoil—Risteard Tuibear, an cara ba mhó a bhí aige ann, ach go háirithe—agus bhí litreacha agus lámhscríbhinní á gcur acu chuig a chéile trí theachtairí. Duine eile nach soiléir go raibh cónaí riamh air i mBaile Átha Cliath is ea Aodh Ó Cobhthaigh, ach arís is féidir eisean a chur san áireamh i measc an 21 scríobhaí, toisc go luaitear é mar bhall den scoil sin i ndán Thaidhg Uí Neachtain, *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn*, a dhearbhaíonn gurbh ó Cho. na hIarmhí dó;<sup>114</sup> agus cóipeáladh ábhar na lámhscríbhinne atá againn uaidh ó sheanleabhar a

---

<sup>112</sup> Níl amhras dá laghad orm gur fhág mé lámhscríbhinní i mo dhiaidh trí dhearmad, agus is deimhin go bhfuil lámhscríbhinní eile ann nárbh fhéidir liom iad a cheangal go sásúil leis an gceantar.

<sup>113</sup> Féach Caib. 1.3 thíos, mar a bhfaighfear nóta uirthi.

<sup>114</sup> Tá cáil ar an dán seo, *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn*, atá ar caomhnú in CT H.4.20 (1361), ó chuir O'Rahilly (1913a) i gcló é; tá athchló air in Harrison (1988: 135-7). Mheas O'Rahilly (1913a: 160) gur grafadh an dán sa bhliain 1728, ar an mbonn go bhfuil an dáta sin luaite i gcolafon ar an taobh eile den duilleog ar a bhfuil an dán scríofa. Is dóigh gur ceapadh an dán sa bhliain 1727 nó ina dhiaidh sin, óir tá Cathal Ó Conchubhair (1710-1791) luaite ann, agus thosaigh sé a dhéanamh staidéir i mBaile Átha Cliath idir na blianta 1727 agus 1728 (O'Connor 1934).

bhí idir lámha ag scríobhaithe eile i mBaile Átha Cliath thart faoin am sin.<sup>115</sup> Tá le cur leis na 556 lámhscríbhinn seo leabhair eile nach dtig linn a áiteamh cé a scríobh, ach ar soiléir gur lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge de chuid an Tuaiscirt iad, mar gheall ar an ábhar atá iontu, nó de bharr taighde a rinneadh ar an teanga atá iontu.

Méadaíonn sé sin líon na leabhar go dtí 600 lámhscríbhinn ar a laghad féin. Ceann de na leabhair seo is ea an lámhscríbhinn thofa sin, CT H.5.28 (1399), an ‘1679 East Ulster manuscript’<sup>116</sup> a luaigh Seán Ó Donnabháin den chéad uair ina ghraiméar (O’Donovan 1845: lxxxviii), agus dornán beag lámhscríbhinní tábhachtacha ó thús thréimhse na Nua-Ghaeilge. Fágann sin go bhfuil corradh agus 600 lámhscríbhinn

---

<sup>115</sup> Sin OÉG H37; féach Breathnach (1933a: 35) agus Mac Aogáin (1968: xix-xx, xxii), mar a bhfaighfear níos mó eolais faoin eiseamláir a bhí aige, agus na cóipeanna eile a rinneadh aisti.

<sup>116</sup> An ‘1679 volume’ a bhí i gceist ag O’Donovan (1845: lxxxviii) agus O’Rahilly (1932: 41, 44, 45, 241), srl., ach tugtar na blianta 1679 agus 1682 inti mar dhátaí scríofa. Baineadh an-úsáid as an lámhscríbhinn seo as siocair na dtéacsanna agus na bhfoirmeacha teanga neamhghnácha atá inti; féach O’Rahilly (1924), Ó Tuathail (1943-4), Mhac an tSaoi (1946), Mhac an tSaoi (1946a), Draak (1946), Ó Cuív (1954), srl.

Ní luaitear ainm an scríobhaí áit ar bith. Tagraíonn Eoghan Ó Comhraí do lámhscríbhinn pháipéir éigin ‘written, about the year 1690, by Owen O’Donnelly (an excellent Gaedhlic scholar)’ (O’Curry 1861: 195) a bhí i dtaisce an choláiste tráth agus is ar an ábhar sin is go bhfuil dhá dhán le hEoghan Ó Donnghaile in CT H.5.28 (1399) a thuairimíonn O’Rahilly (1924: viii) gurb í seo an lámhscríbhinn a bhí ar intinn aige. Is iad na dánta an t-aon cheangal follasach amháin atá ag Eoghan leis an lámhscríbhinn. Ní éasca teacht ar lámhscríbhinn eile sa chnuasach a bhí ann sa 19ú hAois a thiofadh leis an eolas a thugann sé, áfach. D’fhéadfadh sé (i) gur mheas Eoghan Ó Comhraí gurbh é Eoghan Ó Donnghaile an scríobhaí toisc go bhfuil dánta leis inti, ach tagann sin salach ar an méid atá ar eolas againn faoin scoláire cúramach seo, agus ní mhíneodh seo go sásúil an fáth nár éirigh leis dáta cruinn a lua leis an lámhscríbhinn. Cibé rud é, ní bheadh aon seasamh ag an tuairim sin as a stuaim féin. Nó is féidir (ii) go bhfuil sé ag trácht ar lámhscríbhinn eile a cailleadh ó shin, nó (iii) gur cailleadh an chuid den lámhscríbhinn ar a raibh eolas faoin scríobhaí, nó (iv) gur chuala Eoghan scéal ó dhuine eile i dtaobh na lámhscríbhinne—bhí sí i seilbh Sheáin Uí Dhonnabháin sa bhliain 1845, ach ní fheicim gur tuigeadh dó gur scríobh Eoghan Ó Donnghaile í. Fágann sin nach féidir iontaoibh a bheith againn as sin, ná ní dóigh go bhfuil an lámhscríbhinn a bhí ar intinn aige cailte. Is dóigh gur dearmad amach is amach atá i gceist ag Eoghan Ó Comhraí—ní féidir a thaispeáint gurbh í CT H.5.28 (1399) a bhí ar intinn aige, cibé rud é, ná ní heol dom tagairt ar bith eile a bheith ar fáil do lámhscríbhinn le hEoghan Ó Donnghaile. Ní luaitear ainm scríobhaí sa nóta is déanaí a scríobhadh ar an ‘1679 volume’, in Ní Mhurchú (2017: 209).

Dhealródh sé go bhfuair Uilliam Ó Loingsigh tamall de CT H.5.28 (1399) idir na blianta 1696 agus 1697, agus gur athscríobh sé go gasta í sna blianta sin isteach in CT H.3.16 (1335), ag déanamh cóip ghlan dá raibh aige ina dhiaidh sin isteach ina chuid féin de LB Eg. 106 (Draak 1946: 3, 14-17). Ón lá sin amach, is beag atá ar eolas againn faoin lámhscríbhinn go dtí gur bhronn Seán Ó Donnabháin ar Choláiste na Tríonóide í sa bhliain 1845, *T.C.D. Cat.*, 263, an bhliain ar luaigh sé í ina leabhar gramadaí. De réir litreach a bhronn sé ar an leabharlann ag an am céanna, ní atá istigh le CT H.5.27 (1398), mheas Edward O’Reilly gur bhain sí le scoil Uí Chléirigh, ach ní fíor sin, ar ndóigh. Ní thugann sin d’eolas dúinn ach gur scrúdaigh O’Reilly í. Ní fheicim, mar sin, gur fhág an lámhscríbhinn an chathair idir na blianta 1696 agus 1845. Scéal eile ar fad a dhéanamh amach cár grafadh í, áfach; áit éigin in Oirthear Uladh, abraimís. Tá giota scríbhneoireachta in ARÉ 24C55 (1185), lch 468, ar chúil duilleoige—ar scríobh Seon Mhac Solaidh ar an taobh eile di sa bhliain 1713 (féach nóta 1828 thíos)—atá cosúil le stíl CT H.5.28 (1399), ach cá bhfios dúinn gur ghraf an duine céanna na giotaí sin?

Nua-Ghaeilge de chuid an cheantair againn, is é sin, thart ar an seachtú cuid den chorpas lámhscríbhinní Gaeilge,<sup>117</sup> agus méid nach beag den 600 lámhscríbhinn seo ag teacht ó bhailt Ultacha de chuid scoil Thaidhg Uí Neachtain, agus ó Mhuiris Ó Gormáin—tuairim agus 200 leabhar a líon; tá scríobhaithe neamhfhoirmeálta Oiriaila chun tosaigh ina dhiaidh sin. Don chuid eile a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní faoin tuath, is annamh a sábháladh mórán de shaothar a lámh ach corrlámhscríbhinn thall is abhus, sa dóigh nach féidir ach beagán eolais a thabhairt faoina bhformhór.

Níor mhiste, is dócha, cuntas a thabhairt ar an méid lámhscríbhinní atá againn do gach duine den 231 scríobhaí seo. Tugtar sa chéad líne den tábla thíos líon na lámhscríbhinní a tháinig slán, agus faoi sin, an méid scríobhaithe ar tháinig an líon sin lámhscríbhinní an duine acu (dá ndéantús féin) síos chugainn, agus faoi dheoidh an ceatadán ag an mbun,

1	2	3	4-5	6-9	10-12	13-20	21-29	30-39	40 +
143	31	16	19	8	6	2	2	3	1
61.9%	13.4%	6.9%	8.2%	3.5%	2.6%	0.9%	0.9%	1.3%	0.4%

Fig. 2. *Méid na lámhscríbhinní a tháinig slán de réir scríobhaí.*

Léiríonn suimiú garbh anseo nach bhfuil ach cúig lámhscríbhinn ar a mhéad againn do dhada níos lú ná 91% de na scríobhaithe seo, agus den 22 scríobhaí a bhfuil breis agus sin de lámhscríbhinní dá gcuid ar fáil anois, bheadh cáil ar a bhformhór mar scríobhaithe tábhachtacha. Thig linn a chruthú go raibh a bhformhór mór ag saothrú i

<sup>117</sup> Dúirt de Brún (1972*b*: 16) go raibh thart faoi 4250 lámhscríbhinn ar caomhnú go fóill, ach is dóigh go ndearna sé atchomhairle ina dhiaidh sin, óir scríobh sé in de Brún (1987: 27) go bhfuil againn ‘[j]ust under 5,000 manuscripts (including Scottish manuscripts belonging to the common Gaelic tradition ... but this total includes materials such as correspondence in Irish, the papers of modern scholars, and even volumes of printed cuttings, which are to be found classified as ‘Irish’ or ‘Gaelic’ in some collections ...’

mBaile Átha Cliath san 18ú hAois, nó gur scríobhaithe de chuid na glúine deiridh iad a bhí gníomhach suas go lár na 19ú hAoise, ní atá soiléir ón liosta seo thíos,

Méid	Scríobhaí	19ú hAois	BÁC
6	Pádraig Mac Oghannáin Donnchadh Mag Oireachtaigh Éadbhard Ó hEachaidh	1	
	Pádraig Ó Luain	1	
	Aodh Ó Néill	1	
8	Pádraig Mhac Gatháin Toirdhealbhach Mhag Uidhir	1	
9	Seán Ó Cléirigh	1	1
10	Somhairle Briosáin Henrí Mac an tSaoir	1	1
	Matha Mórdha Ó Graeme	1	
11	Aodh Mhac Domhnaill [2] Pádraig Ó Pronntaigh	1	
12	Peadar Dubh Ó Dálaigh	1	
15	Séamus Bacach Mhag Uidhir		
16	Pádraig Ó Loingsigh	1	
22	Peadar Ó Gealacháin	1	
25	Art Mhac Bionaid	1	
31	Seon Mhac Solaidh		1
35	Ristead Tuibear		1
37	Nioclás Ó Cearnaigh	1	1
112	Muiris Ó Gormáin		1

Fig. 3. Tábla de scríobhaithe a bhfuil againn níos mó ná cúig lámhscríbhinn an duine uathu.

Lena chur síos ar dhóigh eile, bhí baint ag seisear den 22 scríobhaí ar an liosta thuas le Baile Átha Cliath, agus ceathrar acu ar na scríobhaithe ba ‘bhisiúla’ de réir an liosta; is leis an ngrúpa sin scríobhaithe nó leis an 19ú hAois a bhaineann 17 nduine



acu siúd atá ar an liosta san iomlán. Fágann sin cúigear eile againn nár mhiste féachaint orthu anois. Is ábhar iontais amach is amach gur tháinig sé lámhscríbhinn de chuid Phádraig Mhic Oghannáin slán, ach is fiú a rá go raibh an chuid is mó acu idir lámha ag bailitheoirí gairmiúla lámhscríbhinní faoin 19ú hAois: Edward O'Reilly, Roibeard Mac Ádhaimh, srl. Beirt eile de na daoine is lú lámhscríbhinní, Donnchadh Mag Oireachtaigh agus Toirdhealbhadh Mhag Uidhir, is le fíordheireadh na 18ú hAoise a bhaineann siad; bhí Donnchadh ag scríobh lámhscríbhinní chomh mall leis an mbliain 1796, agus ghráf Toirdhealbhadh Mhag Uidhir an leabhar deiridh atá againn uaidh sa bhliain 1798 do phátrún Albanach. Tháinig aon lámhscríbhinn déag le Pádraig Ó Pronntaigh anuas chugainn ar scríobhadh na cinn a bhfuil dátaí leo i gceann de dhá thréimhse ceithre bliana, ó 1732 go 1736, nó ó 1759 go 1763. Is doiligh teacht ar mhíniú ar an méid lámhscríbhinní atá againn dá chuid, i gcomparáid lena chomhghleacaí, Peadar Ó Doirnín, ach amháin gur bhisiúla ná Peadar é; sin nó nach bhfuil ach comhartha lag sa chorpas lámhscríbhinní atá againn ar ar scríobhadh sa chéad áit. Ghráfadh Pádraig lámhscríbhinní do phátrúin, agus tharla neart acu i seilbh scríobhaithe Dhún gCuaile, grúpa ar caomhnaíodh cuid mhór dá saothar fosta. De bhreis ar an méid sin, is dóigh go raibh meas ar lámhscríbhinní Phádraig a fhad is a leanadh dá léamh, óir bhí clú air mar scríobhaí cumasach agus scoláire Gaeilge ar dóigh. An duine deiridh, Séamus Bacach Mhag Uidhir,<sup>118</sup> ba scríobhaí inmheasta eile é, agus an ball lárnach, más fíor, den ghrúpa scríobhaithe a d'fhostaigh Brian Mhag Uidhir ó Chnoc Ninne le lámhscríbhinní a athscríobh dó: bhí sé fostaithe aige ó 1712 go 1721, agus b'fhéidir ina dhiaidh sin. Bhí pátrúin eile ag Séamus Bacach, agus b'fhéidir nach aon iontas é gur tháinig cuid mhaith lámhscríbhinní dá chuid anuas chugainn. Scríobhaithe bisiúla thar an ngnáth a bhí i

---

<sup>118</sup> Seo an leasainm a bhí air, de réir Uí Mhórdha (1982: 52-3); is dóigh go bhfuair sé é i gcatalóg de chuid Mhuiris Uí Ghormáin in LN G664, i dtuairisc a scríobh Muiris ar lámhscríbhinn de chuid Shéamuis Bhacaigh Mhag Uidhir (*q.v.*).

ngach duine ar an liosta thuas, is dóigh, agus cé nach rachainn chomh fada agus a áiteamh go bhféadfadh sé gur scríobh formhór na scríobhaithe atá pléite agam i gCaib. 2 an méid sin ábhair, is éard a thuigfí ó na figiúirí seo ar an móróir, gurbh é dianscrios lom an crann a thit ar shaothar aon scríobhaí nach raibh ceangal aige le Baile Átha Cliath, nó a mhair roimh an 19ú hAois.<sup>119</sup> Níl ach lámhscríbhinn nó dhó an duine againn do 174 den 231 scríobhaí a bhfuil cuntas orthu i gCaib. 2.

Tharla gur chineál de chaitheamh aimsire í cóipeáil na lámhscríbhinní do chuid mhaith de na scríobhaithe, ní dócha ar chor ar bith go n-oibrídís go leanúnach ar a gcuid lámhscríbhinní, agus is féidir go ndeachaigh blianta thart gan rann amháin a bheith curtha ar phár acu. Caithfidh sé go raibh tionchar ag cúraimí an tsaoil, sláinte agus aois an scríobhaí, agus ag an gcur amach a bhí aige ar lámhscríbhinní, agus eile, ar rátaí oibre, agus is beag duine acu a raibh sé mar phribhléid aige slí bheatha a dhéanamh dá cheird. Ní féidir go mbeadh an deis ag formhór na scríobhaithe nach raibh pátrúin acu cóip iomlán 584 leathanach, abraimís, de ‘Foras Feasa air Éirinn’ a chóipeáil in achar trí mhí, mar a rinne Seon Mhac Solaidh idir an 19 Eanáir 1713 agus an 15 Aibreán 1713, ag cur na 261 leathanach deiridh di de i naoi lá dhéag amháin,<sup>120</sup> agus tá trí leabhar eile againn a chóipeáil sé sa bhliain chéanna. Sampla maith eile de seo is ea Muiris Ó Gormáin, ar éirigh leis cóip ghlan de ‘Eochairsgiath an Aifrin’ a chur óna láimh laistigh d’achar 147 lá don Dr Seán Ó Fearghusa (*ob.c.1761*),<sup>121</sup> agus tá go leor samplaí eile den sórt seo bisiúlachta sna

lámhscríbhinní. Is minic a thugtar *Réimchnuasacht Pheadair Uí Ghealacáin*, DE

---

<sup>119</sup> Ní hionann seo agus a rá gur féidir buille faoi thuairim a thabhairt, fiú, faoin méid lámhscríbhinní a grafadh sa cheantar idir na blianta 1650 agus 1900, cé go bhfuiltear ag plé modhanna trína bhféadfaí an méid téacsanna canónacha atá againn ó na Meánaoiseanna a mheas. Ní hionann seo agus a leithéid a dhéanamh do chóipeanna aonair, agus is beag leid a thugann na lámhscríbhinní faoi théacsanna cailte i dtréimhse na Nua-Ghaeilge.

<sup>120</sup> LN G54. Féach an *N.L.I. Cat.*, ii, 72-3.

<sup>121</sup> LN G333, ar scríobhadh í idir an 21 Feabhra 1752 agus an 17 Iúil 1752. Tugtar nóta gearr ar an Dr Seán Ó Fearghusa (*ob.c.1761*) i nóta 2790.

Gen. 43D, mar shampla den dúil a bhí aige san obair, tharla gur éirigh leis lán 722 leathanach de dhánta agus d'ábhar Gaeilge eile a ghrafadh dá úsáid féin idir mí Lúnasa 1841 agus mí Feabhra 1844, ach is soiléir, nuair a scrúdaítear na colafoin, go raibh sé ní ba bhisiúla ag amanna éagsúla le linn na dtrí bliana sin, agus nach ndearnadh ach fíorbheagán den obair le linn na bliana 1842.

Lch	Dáta.	An méid laethanta agus leathanach ón gcolafon deiridh.		An méid leathanach sa lá ar an meán.
i	10 Lúnasa 1841	—	—	—
13	15 Lúnasa 1841	5	15	3
16	17 Lúnasa 1841	2	3	1.5
25	20 Lúnasa 1841	3	9	3
38	25 Lúnasa 1841	5	13	2.6
54	31 Lúnasa 1841	6	16	2.67
62	2 Meán Fómhair 1841	2	8	4
86	12 Meán Fómhair 1841	10	24	2.4
111	3 Deireadh Fómhair 1841	21	25	1.19
123	6 Deireadh Fómhair 1841	3	12	4
152	10 Samhain 1841	35	29	0.83
177	27 Eanáir 1842	78	25	0.32
199	12 Feabhra 1842	15	22	1.47
219	22 Feabhra 1842	10	20	2
235	2 Márta 1842	8	16	2
240	17 Márta 1842	15	5	0.33
258	30 Márta 1842	13	18	1.38
273	28 Meitheamh 1842	90	15	0.17
281	29 Meitheamh 1842	1	8	8
288	11 Iúil 1842	12	7	0.58
289	24 Iúil 1842	13	1	0.03
298	1 Meán Fómhair 1842	39	9	0.23
309	4 Meán Fómhair 1842	3	11	3.67
321	11 Meán Fómhair 1842	7	12	1.71
328	18 Meán Fómhair 1842	7	7	1
333	9 Deireadh Fómhair 1842	21	5	0.24
374	13 Feabhra 1843	127	41	0.32
384	17 Feabhra 1843	4	10	2.5
394	20 Feabhra 1843	3	10	3.33
434	7 Márta 1843	15	40	2.67

446	1 Aibreán 1843	24	12	0.5
472	14 Aibreán 1843	13	26	2
493	25 Bealtaine 1843	42	21	0.5
500	3 Meitheamh 1843	9	7	0.78
537	6 Meán Fómhair 1843	95	37	0.39
562	6 Samhain 1843	61	25	0.41
600	14 Nollaig 1843	38	38	1
645	18 Eanáir 1844	35	45	1.18
665	24 Eanáir 1844	6	20	2.33
678	29 Eanáir 1844	5	13	2.6
689	5 Feabhra 1844	7	11	1.57
701	10 Feabhra 1844	5	12	2.4

Fig. 4. *Rátaí cóipeála in DE Gen. 43D.*

Maidir leis an íslíú sin atá le feiceáil idir an 25 Bealtaine 1843 agus an 14 Nollaig 1843, is spéisiúil gurb eol dúinn go raibh Peadar Ó Gealacáin ag obair do Bhrian Ó Tomaltaigh ó Fhómhar na bliana sin go dtí an 22 Nollaig 1843.<sup>122</sup> Chuirfeadh sé a oiread sin leathanach óna lámh arís do Roibeard Mac Ádhaimh idir an 28 Márta 1844 agus an 12 Nollaig 1844, agus é ag babhtáil ó lámhscríbhinn go chéile le linn dó a bheith ag obair orthu.<sup>123</sup> Ba nós do scríobhaithe eile lámhscríbhinní a chur ar leataobh go minic agus filleadh orthu ina dhiaidh sin: chuir Seán Ó Duinn cuid de ARÉ 23O54 (1363) i gcrích in 1827, agus bhí sé ag gabháil di idir na blianta 1842 agus 1843. Is mó de leabhair choiteanna ná eile iad cuid de na lámhscríbhinní a tháinig anuas, lena gcuireadh na scríobhaithe ábhar a tháinig ar a lámha, CM L6(1), mar shampla, leabhar dea-scríofa inar ghráf Mícheál Ó Murchadha giotaí próis agus dánta idir na blianta 1821 agus 1829, cé gur éirigh leis an méid atá sa dara cuid den lámhscríbhinn a chur de idir 1822 agus an bhliain dár gcionn.

<sup>122</sup> Féach na dátaí atá i lámhscríbhinn Bhriain, a cuireadh i gcló i nóta 2643 thíos.

<sup>123</sup> LN G1152, LPBF 24, LPBF 23.

Ní hiontas é go mbeadh méadú ar líon na lámhscríbhinní de réir mar a théann muid ó thús go deireadh na tréimhse seo againn, agus tá an scéal a insíonn na figiúirí a thugtar sa tábla thuas (lch 20) soiléir go leor: níl a dhath ar bith againn don tréimhse idir 1650 agus 1654, bhí ceathrar scríobhaithe ag obair leo idir 1655 agus 1659, agus beirt acu ag cóipeáil lámhscríbhinní leighis. Is beag athrú a thagann ar na figiúirí idir sin agus deireadh na 17ú hAoise, ach amháin go bhfuil ísliú beag le sonrú sna figiúirí idir na blianta 1665 agus 1674. Ní dócha gur gá dul a lorg míniú air sin, tharla a laghad atá méid na lámhscríbhinní atá againn don tréimhse sin. Tagann an chéad scríobhaí a mbeadh ceangal aige ina dhiaidh sin le grúpa Thaidhg Uí Neachtain, Séamus Lom Ó Fearghail [1], ar an bhfód den chéad uair sa tréimhse 1700-1704, agus cé nach éasca a bheith cinnte cé acu is i mBaile Átha Cliath, nó i gCo. an Longfoirt, a áit bhreithe, a bhí sé ag scríobh, bhí ball eile de ghrúpa Thaidhg Uí Neachtain, Risteard Tuibear ‘ó Fhine Gall’ tosaithe ar lámhscríbhinní a ghrafadh faoin mbliain 1709, cainteoir líofa Ghaeilge Thuaisceart Laighean<sup>124</sup> a raibh spéis ar leith aige i bhfilíocht chomhaimseartha an cheantair. Tchíonn muid borradh ar leith faoi chóipeáil lámhscríbhinní sna chéad chúig bliana eile i mBaile Átha Cliath, agus taobh ó thuaidh i gCo. na Mí, agus i gCo. Fhear Manach, ach go háirithe, sa dóigh gur mhéadaigh líon na scríobhaithe a bhí bisiúil sa cheantar ó sheisear (triúr acu i mBaile Átha Cliath) sa tréimhse idir 1705 agus 1709, go 16 scríobhaí idir na blianta 1710 agus 1714—triúr acu ag scríobh i mBaile Átha Cliath, agus seisear acu san iomlán ceangailte ar dhóigh éigin leis an mórchathair. Ba sna blianta seo a bhí lucht ghrúpa Thaidhg Uí Neachtain i dteann a réime, agus is spéisiúil gur thosaigh siad a phlódú ar an ardchathair de réir mar a bhí líon na scríobhaithe a bhí ag obair faoin tuath ag dul chun fáis fosta. D’fhág an grúpa sin, lucht Bhaile Átha Cliath, a lorg ar

---

<sup>124</sup> Tá sé soiléir ó chuid de na hearráidí litrithe a dhéanann sé gur fhoghlaim sé an Ghaeilge ar dtús mar theanga labhartha, agus ní mar scoláire.

chóipeáil na litríochta i dtaobh ó thuaidh le fada an lá ina dhiaidh sin, cé go raibh deireadh leis an bhfeachtas cóipeála a chuir siad rompu a bheag nó a mhór faoin mbliain 1730. Tá na figiúirí seasmhach go leor don chéad chúpla bliain eile, bhí 10 scríobhaithe ag saothrú lámhscríbhinní idir na blianta 1735 agus 1739, triúr ó Bhaile Átha Cliath ina measc—Cú Chonnacht Mag Aodha [2], Pilib Mac Brádaigh, agus Proinsias Ó Raghallaigh [2]; bhí Muiris Ó Gormáin, a chaith an dara leath dá shaol i mBaile Átha Cliath, fós ag tabhairt *Muiris Mac Gorman* air féin, agus tá an chuma ar an scéal go raibh sé fós i gcuideachta mhuintir Mhearráin i gCo. Mhuineacháin. De réir mar is eol dúinn, ní féidir ach ceathrar a ainmniú a bhí ag scríobh le linn na chéad chúig bliana ina dhiaidh sin, ó 1740 go 1744—lámhscríbhinn amháin, atá cailte, a scríobh Risteard Tuibear sa bhliain 1742, ceann eile a ghráf Seán Mac an tSaoir i Sr. na nGabhann, Baile Átha Cliath, nuair a bhí sé ina dhéagóir—agus tá bearnaí móra i saothair na scríobhaithe faoin tuath, ar nós Phádraig Uí Phronntaigh, nach bhfuil a dhath ar bith againn óna láimh ná dá chumadh idir 1738 agus 1759. Cé go raibh Muiris Ó Gormáin ag cumadh filíochta in 1739 agus 1740, ní chluintear trácht air arís i rith na gcúig bliana sin. Cé nach féidir béim go leor a chur ar a laghad agus a bhearnaí atá na figiúirí a cuireadh ar fáil thuas, is dearbh nach aon chomhtharlú é gur thit ceann de na ganntanais (1740) ba mheasa i stair na hÉireann le cúpla céad bliain anuas amach le linn na gcúig bliana sin. Níl ach dhá lámhscríbhinn ar eolas agam a scríobhadh sa cheantar taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath sna blianta sin: sleachta Gaeilge i leabhar urnaithe a scríobh Thomas Hudson in 1743; agus cóip de ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’ a ghráf Peadar Ó Doirnín i dtuaisceart Cho. Lú sa bhliain 1740. Tá tagairtí do ghorta na bliana 1740 gann go leor i lámhscríbhinní an cheantair. Déantar tagairt amháin do ‘b[h]liaghain

an ocras déis ... a tsneachta mhóir<sup>125</sup> i lámhscríbhinn a ghráf Philib Mac Giobúin i gCo. Loch Garman sa bhliain sin, agus tá nóta ag Tadhg Ó Neachtain ar ‘c[h]ruatan rodhm[h]or’ na mbochtán i mBaile Átha Cliath a scríobh sé i lámhscríbhinn dá chuid i mí Eanáir 1741.<sup>126</sup>

Is iad na chéad trí iontráil eile sa lámhscríbhinn sin caointe ar bhás Anna Tuibear éigin.<sup>127</sup> Tagann biseach eile ar líon na scríobhaithe idir 1745 agus 1749, nuair a chrom cúpla duine eile ar an obair arís, sa dóigh gurb eol dúinn go raibh seachtar scríobhaithe ag cóipeáil lámhscríbhinní sa tréimhse sin. Leanann maolú beag eile na blianta sin, agus faoin am a dtagann feabhas ar an scéal, tá deireadh ceart leis an seanghrúpa scríobhaithe a bhí suite i mBaile Átha Cliath, agus iad tar éis imeacht ó thuairisc ina nduine is ina nduine. An dream a tháinig ina ndiaidh, ní raibh siad chomh nasctha lena chéile is a bhí grúpa Thaidhg Uí Neachtain. Scoir Tadhg den scríobh den uair dheireanach, go bhfios dúinn, sa bhliain 1752. Bhí Aodh Ó Dálaigh<sup>128</sup> tar éis leanúint de lámhscríbhinní a chóipeáil tamall maith i ndiaidh na coda eile, ach bhí sé ag obair do phátrúin i gColáiste na Trionóide le fada, agus bhí Muiris Ó Gormáin tar éis a áit a ghlacadh faoin mbliain 1763 mar rogha scríobhaí na bpátrún (O’Sullivan 1976: 231-2). Lean cúpla duine orthu ag cóipeáil lámhscríbhinní i gCo. an Chabháin agus i gCo. Fhear Manach. Thagadh scríobhaithe eile ó áiteacha eile i gCúige Uladh go dtí an ardchathair ina dhiaidh sin a fhad is bhí ann dóibh, Labhrás Ó hArann ó Cho. Fhear Manach ina measc. Bhí an nua-litríocht a bhí á cumadh in Oiriaila ó aimsir Shéamuis Mhic Cuarta cúigeach riamh, agus de réir mar a thosaigh an cineál sin filíochta a theacht chun tosaigh i lámhscríbhinní Oiriaila,

---

<sup>125</sup> ARÉ 23D8 (503), lch 30. San *R.I.A. Cat.*, 1450, a fuarthas an giota sin.

<sup>126</sup> LN G132, lch 30.

<sup>127</sup> Tá trí chaoineadh a chum Tadhg Ó Neachtain uirthi, agus a scríobh sé sa bhliain 1741, in LN G132. Níor cuireadh i gcló riamh iad, go bhfios dom.

<sup>128</sup> Maidir le hAodh Ó Dálaigh, féach nóta 60 thuas.

d'éirigh siad níos aonaraí agus níos neamhspleáiche ar thraidisiúin ceantar eile. Is in Oiriaila amháin a fheictear fás i méid na scríobhaithe a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní sa tréimhse 1760-1799, agus tagann ísliú beag ar mhéid na scríobhaithe sa tréimhse 1800-1804, sula méadaíonn a líon sna tréimhsí 1810-1814 agus 1815-1819, ó 11 scríobhaí, agus gan duine acu san ardchathair, go 17 scríobhaí ar fud an Tuaiscirt, agus go 24 scríobhaí ina dhiaidh sin—duine acu lonnaithe i mBaile Átha Cliath—idir na blianta 1820 agus 1824. B'fhéidir gurbh é an seasamh a thug cumainn ar nós an *Irish Society* don teanga ab ábhar leis an spéis úr a cuireadh i lámhscríbhinní faoin am seo, agus dá bhearnaí iad na taifid atá againn, is soiléir go raibh borradh éigin nár bheag i gcóipeáil litríochta nach raibh baint aici le hobair na gcumann ó dheireadh na 1810í ar aghaidh, sa dóigh go bhfuil lámhscríbhinní fánacha againn ó áiteacha cosúil le hoirthear Cho. an Chabháin agus Co. Liatroma nach raibh traidisiún láidir liteartha iontu le fada an lá faoi thús na 19ú hAoise. Tá stair na gcumann seo, agus an chonspóid a lean iad, pléite go mion tuisceanach in de Brún (2009). Maraíodh duine de na scríobhaithe, Tomás Mhag Ceitearu, thart ar an mbliain 1826 [? c.1828] mar gheall ar an gceangal a bhí aige leis an *Irish Society*. Ba é an toradh a bhí ar obair na gcumann seo gur mhol an chléir Chaitliceach dá bpobal—a bhí ag dul i dtreo an Bhéarla ó tharla ann don mheánaicme Chaitliceach 'nua' ag deireadh na 18ú hAoise—gan ábhar Gaeilge a léamh, agus chuaigh cuid acu níos faide leis an scéal ná sin. Ghoill an cinneadh seo go mór ar lucht saothraithe agus teagaisc na Gaeilge, gur éirigh cúpla scríobhaí as cóipeáil lámhscríbhinní, agus caithfidh sé go bhfuair cuid eile acu iad féin gan lucht éisteachta. Tá an dochar a rinne an méid sin do labhairt na teanga agus do chóipeáil na lámhscríbhinní in Oiriaila pléite cheana féin ag Ní Uallacháin (2003: 25-6), sa dóigh nach gá dul isteach sa cheist anseo, ná i gceisteanna eile a bhaineann le meath na teanga, ach



gurbh fhiú tagairt a dhéanamh don athrú mór atá le sonrú sna figiúirí ag an am céanna. Laghdaíonn méid na scríobhaithe a bhí ag saothrú lámhscríbhinní sa cheantar le linn na tréimhse seo ó 19 scríobhaí idir na blianta 1825 agus 1829 go seisear scríobhaithe don tréimhse idir na blianta 1830 agus 1834, agus gan ach scríobhaí amháin acu suite i mBaile Átha Cliath an uair sin, Seán Ó Cléirigh ó Dhrong, Co. an Chabháin, a thug lámhscríbhinní Con Choigríche Uí Chléirigh leis chun na cathrach sin, áit a bhfuair Edward O'Reilly uaidh iad. Níl, mar a thug Ní Uallacháin (2003: 26 n.20) faoi deara, lámhscríbhinn amháin againn ó Art Mhac Bionaid idir 1833 agus 1843, ná ó láimh Pheadair Uí Ghealacháin idir 1829 agus 1837, ná a oiread sin arís ó Phádraig Mhac Gatháin idir 1829 agus 1841, ná ó láimh Phádraig Uí Luain, máistir de chuid an *Irish Society* a chuaigh le sagartacht sa bhliain 1828, idir na blianta 1826 agus 1838. Ar an taobh eile den scéal, ba le linn na mblianta céanna a thosaigh Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme ó Dhún Dealgan a chur a gcuid *Bardic Remains of Louth* nó *Collectanea Grahamea* le chéile, agus is spéisiúil nach raibh baint acu leis na cumainn seo, murab ionann agus an ceathrar dá ndearnadh tagairt thuas atá ar rollaí pá an *Irish Society* idir 1824 agus 1827. Ní féidir a bheith cinnte nárbh iad na cumainn seo a chuir deireadh le litearthacht sa Ghaeilge i gCo. Mhuineacháin, agus i gcúpla contae eile ina mbíodh scríobhaithe Gaeilge go dtí sin. Tá méadú i líon na scríobhaithe sna 1840í, ach is beag duine úr a tháinig ar an bhfód sna blianta sin, agus tharlódh sé gurbh é pátrúnacht Roibeaird Mhic Ádhaimh ab ábhar leis seo, an duine ba mhó a thug cothú do thogha na scríobhaithe a bhí suas lena linn—Peadar Ó Gealacháin agus Art Mhac Bionaid—lámhscríbhinní a chóipeáil, agus a thugadh tacaíocht d'Aodh Mhac Domhnaill [2], drochscríbhneoir ach cainteoir maith Gaeilge agus údar cumasach, lámhscríbhinní a bhailiú agus téacsanna úra a chumadh le breis agus fiche bliain. De

réir mar a cuireadh na seanscríobhaithe seo i dtalamh ó na 1860í ar aghaidh, an chuid eile acu curtha ó mhaith ag an tseanaois, d'fhéach tuairim is leathdhosaen scríbhneoirí eile leis an traidisiún a choinneáil beo, ach is beag atá againn óna lámha, agus tá an chuma air nár scríobh siad mórán riamh: ní raibh ach scríobhaí amháin acu bisiúil faoin mbliain 1870, an Séamus Mac Giolla Chomhghaill a ndearna muid tagairt dó cheana, an fear a scríobh baclainn leabhar, nach bhfuil a bhformhór ann anois, idir 1868 agus 1900, agus a mhair go dtí an bhliain 1917.

### **1.1.3. Scriosadh Lámhscríbhinní**

Dá fhad a chaith T. F. O'Rahilly ag bailiú dánta grádha don leabhar dar teideal sin a chuir sé amach faoi dhó, níor fhéad sé teacht ar níos mó ná cúig lámhscríbhinn ina raibh cnuasach maith díobh,<sup>129</sup> agus tá siad liostaithe aige sa nóta a chuir sé leis an dara heagrán, Ó Rathile (1926)—CT H.5.9 (1381) agus LB Add. 40766<sup>130</sup> ina measc; agus an méid seo scríofa aige fúthu, 'Tá aon chúig lss. amháin, agus mara mbeadh gur saoradh go hábharach ón léirsgrios iad, is ar éigin do b'fhéidir leath an leabhair seo do chur le chéile' (Ó Rathile 1926: viii). Cé nach gá scéal mór a dhéanamh de, ná a bheith róphointeáilte faoi aon fhocal amháin, agus cé go bhfuil a fhios againn gur loitiméireacht gan ábhar gan tuiscint a bhí i gceist go mórmhór faoin tuath, is ar éigean a d'fhéadfaí a rá gur roghnú ábharach atá sa chorpas lámhscríbhinní atá againn, mar gheall ar chúinsí éagsúla. Dúradh cheana go raibh páirt mhór ag cúrsaí ama agus geograife sa scéal go ginearálta, agus is beag bailitheoir lámhscríbhinní a bhí chomh tuisceanach flaithiúil le Roibeard Mac Ádhaimh, a dhíoladh as

---

<sup>129</sup> Féach, áfach, an liosta cuimsitheach de lámhscríbhinní ina bhfuil dánta grádha a chuir Ní Mhurchú (2017) le chéile. Is lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt cuid mhaith acu.

<sup>130</sup> Lámhscríbhinn iontach tábhachtach mar gheall ar an ábhar atá inti, agus a tharla i gcnuasach Phroinsias Uí Chaiside san 18ú hAois. Cé gur scríobh cúpla sealbhóir ábhar breise isteach inti san 18ú hAois, is le deireadh na 17ú hAoise a bhaineann an chuid is mó den scríbhneoireacht, agus dhealródh sé gur cuireadh le chéile i gCo. Fhear Manach í. Níl síniú leis an gcuid seo di, agus níor aithníodh an lámh go fóill. Féach an *B.M. Cat.*, iii, pláta XVIII.

lámhscríbhinní déanacha (drochscríofa, fiú) lena chnuasach a mhéadú, agus a raibh iontaoibh aige, an chuid is mó den am, as cumas na scríobhaithe déanacha. Is follas gur mhúnlaigh an dúil san ársaíocht a bhí ag bailitheoirí gairmiúla na 18ú hAoise agus na 19ú hAoise an cineál lámhscríbhinní a cheannaigh siad agus a chuir siad á gcóipeáil. Is éasca, ar ndóigh, tuairimíocht a dhéanamh ar an méid nach bhfuil againn anois ná dul i ngleic lena tháinig slán, ach ó tharla go bhfuil sé soiléir go bhfuil baint ag ábhar gach lámhscríbhinne leis an áit ar grafadh í, agus lena haois, fágann sé sin nach bhfuil ach cuid den scéal iomlán againn, agus nár mhiste eolas éigin a bheith curtha ar fáil anseo ar an méid lámhscríbhinní a scriosadh nó a cailleadh sula dtugtar faoi thraidisiúin na gcontaetha a leagan amach.

Ó thaobh ábhar na lámhscríbhinní de, is iontach an ní é mar a fhreagraíonn lena chéile na lámhscríbhinní atá againn ó na dúichí inar leanadh dá scríobh le fada, arb ionann iad, mar riail, agus na dúichí óna bhfuil cuid mhaith lámhscríbhinní againn go fóill. Bhí tuairim measartha leanúnach, murab é gur thuairim choiteann í, ag scríobhaithe ar an ní ba litríocht ann, ar an ní arbh fhiú a thaifeadadh, nó nárbh fhiú a scríobh ach a fhágáil taobh leis an mbéaloideas, na ‘precedents’ a ndearna Ó Muirgheasa (1916: iii-iv) tagairt dóibh breis agus céad bliain ó shin,

There has not been a single decade from MacCooey’s day to our own when some Irish scribes were not at work in South Ulster laboriously copying and circulating Irish literature. But “literature” to them had a narrow meaning. All “poetry” was literature, but prose was eschewed except romantic tales, religious compositions, and Keating’s history.

The eighteenth century scribe ... never dreamt of appending a note or remark concerning the authors of the pieces he transcribed. Very often he omitted the authors’ names altogether. ... Paper was scarce and dear, and copying was laborious, and biographical sketches were not “literature” in the strict mind of the scribe, according to the precedents handed down to him by his predecessors, so this was entrusted to oral tradition ... as the language gradually died and the poetry died out also, the people, no longer knowing the poetry, ceased to take an interest in, or remember anything about the poet.

Ní thoghfaínn a áiteamh gur mhair an traidisiún scríofa seo i bhfad i ndiaidh 1850, áfach, taobh amuigh de dhuine nó beirt a lean orthu féin leis an obair ar ábhar amháin nó eile. Toisc go mbíodh nós ag na scríobhaithe iad féin a eagrú ina ngrúpaí beaga áitiúla, bíonn na dánta agus scéalta céanna ag teacht aníos ina gcuid lámhscríbhinní go rialta. Más é sin an scéal sna dúichí óna bhfuil níos mó ná cúpla lámhscríbhinn againn, ní i gcónaí a réitíonn ábhar na lámhscríbhinní ó na dúichí imeallacha timpeall orthusan leo—leid eile go bhfuil bearnaí móra sa traidisiún Nua-Ghaeilge mar atá sé curtha os ár gcomhair anois. Castar le píosaí sna lámhscríbhinní ó na dúichí imeallacha seo nach mbíonn fáil orthu in áit ar bith eile, agus táthar in ann corruair tomhas a dhéanamh ar an dúiche inar grafadh lámhscríbhinn mar gheall ar chóip den phíosa seo nó siúd a bheith inti. Sampla amháin de seo is ea iad an dá chóip de ‘Seachrán Chearbhaill Uí Dhálaigh’ a scríobhadh sa cheantar atá faoi phlé againn ag deireadh na 18ú hAoise.<sup>131</sup> Ghraf Mícheál Ó Cathaláin ceann acu in 1795 sa lámhscríbhinn COBÁC M13, ina bhfuil giota le Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1]. Ba é Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2] a scríobh an chóip eile, atá gan dáta agus neamhiomlán, in ARÉ 23I37 (422), lámhscríbhinn ar chóipeáil Aodh Mac Conainn an chuid is mó di. Deir Watson (1979: 118) gurb í an chóip atá in COBÁC M13 an ceann is sine atá ar fáil anois, agus is dóigh gur scríobhadh í i dtuaisceart Cho. Mhuineacháin.<sup>132</sup> Maidir le cóip Thoirdealbhaigh, tá nóta sa chuid den lámhscríbhinn a chóipeáil Aodh Mac Conainn a thugann le fios go raibh sí i gCorr na hUamha, gar do Mhuineachán, am éigin ina dhiaidh sin. Is féidir samplaí eile a fháil. Féach nach bhfuil cóip amháin den dán *Lá dá rabhas ag taisteal na móine i m’aonar* i lámhscríbhinn ar bith seachas an ceann a scríobh Séamus Ó

---

<sup>131</sup> Tá eagrán den dán in Ó Máille & Ó Máille (1925), ach tá an leagan a thugtar in COBÁC M13 níos ‘gairsiúla’ ná an leagan foilsithe.

<sup>132</sup> Féach na cuntais a scríobhadh ar Thoirdealbhadh Mac Giolla Cheara [1], Thoirdealbhadh Mac Giolla Cheara [2], agus Mícheál Ó Cathaláin i gCaib. 2.76, 2.77, 2.125.

Treasaigh, nó nach bhfuil ach dhá chóip againn den dán *Súd Connalaigh an tascóir 'teacht chugaibh mar gheosta*, ceann acu i lámhscríbhinn Chríostóra Aindreamha; agus is cóip 'fheabhsaithe' de seo an dara ceann. D'fhéadfaí dhá mhíniú a thabhairt air seo. Ar thaobh amháin, is féidir nach bhfuil againn ach cóipeanna fáin toisc gur cailleadh níos mó lámhscríbhinní sna dúichí imeallacha ina ndeachaigh an teanga as úsáid go luath; sin, nó nach ndearnadh an-chuid cóipeanna de na dánta seo riamh, agus gurbh é an fáth ar ghraf na scríobhaithe den chéad uair iad nach raibh fáil acu ar lámhscríbhinní ina raibh an t-ábhar ba mhó spéis sna dúichí léannta ag an am.

Chonaic muid cheana nach bhfuil ach lámhscríbhinn nó dhó againn do 75.3% (174/231) de na scríobhaithe a bhí ag saothrú sa cheantar seo, agus rithfeadh sé leis an té a chaithfeadh súil ar chuid acu go gcaithfidh sé gur ghraf scríobhaithe cleachtaithe iad. Dá nglacfaimis leis gur scríobh gach duine acu seo dhá lámhscríbhinn sa bhreis ar an meán ar a bhfuil againn, d'fhágfadh sé sin gur scríobhadh míle lámhscríbhinn ar a laghad sa cheantar. I measc na scríobhaithe nach bhfuil ach samplaí fáin againn de shaothar a lámh ach a léiríonn an-chur amach ar dhéanamh na lámhscríbhinní iontu, tá Aodh Mac Conainn (*fl.*1762), ó thuaisceart Cho. Mhuineacháin, is dócha; Henrí Mhac Muirheartaigh (*fl.*1723-5) ó Chillín, Co. na Mí; an tAth. Eoin Ó Muirreadh (*c.*1752-1809), a rugadh i Ráth Moliain, Co. na Mí, agus a bhí ina shagart paróiste i gCill Fhallúin; Séamus Ó Gabhagáin, a mhair go luath san 18ú hAois, agus a bhí lonnaithe sa Díseart, Co. na hIarmhí, an uair a scríobh sé a lámhscríbhinn; Domhnall Ó Duinn (*fl.*1714) ó áit darb ainm 'Carraic an Damhsa', áit a chuaigh díom a aimsiú; Domhnall Mac Giolla Chomhghaill (*fl.*1704-18) ó Dhoire Thairbh, Co. Dhún na nGall; agus Eoin Ó Mearráin (*fl.*1737) ón dúiche thart faoi Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, scoláire maith a mbeadh cáil

air dá mbeadh tuilleadh againn uaidh go deimhin, agus a raibh baint láidir aige le Muiris Ó Gormáin. Scríobh sé lámhscríbhinn amháin eile ar a laghad.<sup>133</sup> Den seisear scríobhaithe seo, ní raibh cónaí ach ar bheirt acu in áiteacha ar leanadh den Ghaeilge a labhairt go dtí an aois seo caite; tá samplaí againn de scríobhaithe ó chroílár Oiriaila, áfach, nach bhfuil ach cúpla giota againn uathu fosta, agus ina measc tá Uilliam Iordan (*ob.c.*1863) ón Taobh Chrom, Co. Ard Mhacha; Seán Ó Néill (*fl.*1827-44), an scoláire Gaeilge ab fhearr sa Tuaisceart lena linn, dar le O'Donovan (1856a: 2424)—ba as Cluain Lom, Co. Ard Mhacha dó; Proinsias Mac Conaill (*fl.*1722-4) ó Oirbhígh, Ceanannas, Co. na Mí; Tomás Ó Conchubhair (*fl.*1820-4) ó Ghréach na Ruag, Co. Mhuineacháin; Mícheál Ó Tónair (*fl.*1817-27) ó Bhaile na Lorgan, Co. Lú; agus eile. Feicfear thíos gurbh iad muintir na chéad bheirte scríobhaithe thuas a scrios a gcuid lámhscríbhinní d'aon turas. Is gnách, mar a dúradh cheana, go mbíonn níos mó lámhscríbhinní againn ó na scríobhaithe déanacha seo, agus dá ghaire do chroílár Oiriaila iad, is ea is mó de shaothar a lámh a bhíonn againn. Luíonn sin le céill, ar ndóigh, agus tá sé chomh maith againn anois féachaint ar na cuntais a cuireadh ar phár trí na blianta ar scriosadh na lámhscríbhinní.

Thrácht de Brún (1972b: 17) cheana féin ar cheann de na cuntais is sine atá againn ar scriosadh lámhscríbhinní ó aimsir an dara concais ar aghaidh: an nóta cáiliúil sin a chuir Conall Mhag Eochagáin (*fl.*1627-44), scoláire ó Lios Maighne i gCo. na hIarmhí, lena aistriúchán Béarla de *Annála Chluain Mhic Nóis* sa bhliain 1627, ina gcaoineann sé lámhscríbhinní a bhí á ngearradh ina stiallóga ag táilliúirí 'in long peeces to make measures of, so that the posterities are likely to fall into ignorance of many things which happened before their time' (O'Donovan 1861-2: 17). Cibé acu

---

<sup>133</sup> Féach Caib. 1.2.2.3, colafon 49 thíos, mar a bhfuil eolas faoi phíosa amháin a bhain a chara Muiris Ó Gormáin as an lámhscríbhinn seo.

is ar a thaithí féin a bhí Conall ag tarraingt anseo, nó a chuala sé trácht ar a leithéid sin a bheith ar siúl i gceantair eile, ní féidir a dhearbhuí anois, ach thig linn a bheith measartha cinnte gurb iomaí lámhscríbhinn a cailleadh sa dóigh sin sa 17ú hAois, agus gur cuireadh go leor eile acu ó rath, nó ó mhaith, sna blianta corraitheacha a lean Réabhlóid na bliana 1641. Bhí an port céanna ag an Dr John Kelly (*ob.c.1677*) ina shaothar, *Cambrensis Eversus* (1662),

It is a fact well authenticated by the testimony of the last generation, that, while Ireland was wasted by the flames of war, the Queen's troops, wherever they were quartered through the country, rifled the houses of friends and foes indiscriminately, and carried off all Irish manuscripts. This Vandalism must, probably, have been the execution of a government order, for when the soldiers were called in to garrison the towns, large leaves of those manuscript volumes were distributed to schoolboys to make covers for their books, or cut up in the tailor's shop to make measure for clothes.<sup>134</sup>

Ba as saothar Chonaill Mhig Eochagáin, caithfidh sé, a tharraing Proinsias Uailis an cuntas a scríobh sé ar scriosadh lámhscríbhinní sa bhliain 1712,<sup>135</sup> óir níl a oiread de dhifir idir an dá cheann ach an teanga inar scríobhadh iad. Má tá locht ar na cuntais seo, is ea go bhfuil siad ródhoiléir, óir ní thráchtar ar cá háit nó cá fhad, fiú, a bhí an lot seo ar siúl, agus is beag cuntas beacht atá againn go dtí gur thosaigh bailitheoirí lámhscríbhinní á gcur ar phár go luath san 20ú hAois. Ó na daoine a bhí freagrach as an scriosadh a fuarthas formhór na gcuntas seo, agus níor ró-annamh a tharla sé gur shíolraigh siad féin ó na scríobhaithe a chuir na cnuasaigh le chéile. Ní hé gur loiteadh na lámhscríbhinní i gcónaí d'aon turas fosta, agus tá nóta ag Énrí Ó Muirgheasa (Morris 1904: 56) i bhfoilseachán dá chuid faoi chnuasach beag leabhar clóite agus lámhscríbhinní a ndearnadh 'a rotten mass' díobh nuair a fágadh iad ar bharr seandriosair i dteach i gCo. na Mí lena gcoinneáil slán, agus gan a fhios ag

<sup>134</sup> Aistriúchán Béarla ar Laidin an Dra Lynch le Kelly (1848: 337); tá cóip de na línte seo in Cogan (1867: 14-15).

<sup>135</sup> I gcló in Harrison (1988: 33-4).

muintir an tí go raibh an díon ag ligean anuas orthu.<sup>136</sup> Tá sé sothuigte ón méid a dúradh cheana nach mbíodh tóir ar lámhscríbhinní déanacha neamhghairmiúla ach i measc na scríobhaithe féin, sa dóigh go mbídís á scaipeadh idir na scríobhaithe agus léitheoirí áitiúla go dtí go raibh siad chomh caite sin nach raibh gar ar bith iontu. Ní beag an deimhniú air sin an riocht ina bhfuil cuid mhaith díobh siúd a fuarthas go háitiúil sa cheantar san 20ú hAois: an chuid is mó acu easnamhach, salach, lán de chluaisíní cait, agus rianta den drochláimhseáil orthu. Tharla neart acu i lámha neamhthairise—caithfidh sé nár aimsíodh oiread agus fiche lámhscríbhinn in Oiriaila, an áit ba mheasa sa cheantar ó thaobh scriosadh na lámhscríbhinní, san 20ú hAois. Ní bhfuarthas leath den mhéid sin, ná geall leis, sna dúichí imeallacha timpeall lár an fhocheantair sin—deisceart Cho. Lú, oirthear Cho. na Mí, deisceart Cho. an Dúin, agus eile, le breis agus céad bliain, agus an beagán lámhscríbhinní atá againn ó na dúichí sin, is gnách gur féidir a léiriú gur tógadh as an dúiche inar scríobhadh iad roimh lár na 19ú hAoise.<sup>137</sup>

Ba é an nós a bhíodh ag an gcuid is mó de na scríbhneoirí a thrácht ar scriosadh na lámhscríbhinní sna blianta luatha den 20ú hAois mionchuntas a thabhairt ar chnuasach áirithe ar a ndearnadh bá, agus trácht ginearálta a dhéanamh ina dhiaidh sin ar a fhairsinge is a bhí an nós sin sa cheantar, gan aon leid a thabhairt ar mhéid na lámhscríbhinní a bhí ann tráth ach go mbídís ar fáil ‘go flúirseach’ ann leathchéad

---

<sup>136</sup> A bhriathra féin ar an ábhar, ‘I mention all this to show the derelict state of the subject, ... and also in the hope that it might be the means of bringing to light any other Irish MSS. that may be in this district. Only the other day I was told in Meath of a certain house where a number of old books including several MSS. had been piled on the top of an old dresser, and the rain came in through the broken thatched roof, and the books and MSS. lay there water-soaked and became a rotten mass and had to be thrown out’ (Morris 1904: 56).

<sup>137</sup> Deascán samplaí ó thuaisceart Cho. Mhuineacháin: féach gur tharla a leithéid seo do lámhscríbhinní Shéamuis Mhic Giolla Ruaidh, a scríobhadh do phátrúin ó Bhéal Feirste—Pádraig de Búrca agus an Dr Séamus Mac Domhnaill; bhí an giota atá againn ó láimh Phóil Uí Thighearnáin i seilbh Roibeaird Mhic Ádhaimh roimh an mbliain 1852; bhí ARÉ 23I37 (422) i gcnuasach Betham sa 19ú hAois, *R.I.A. Cat.*, 1136, srl. Féach, áfach, gur tháinig Énrí Ó Muirgheasa sa bhliain 1919 ar chúpla lámhscríbhinn, COBÁC M19 agus dhá cheann eile, i seilbh John Breslin, Doire Liath, gar do Verners Bridge, atá ar an teorainn idir Co. Ard Mhacha agus Co. Thír Eoghain, i mbarúntacht Ó Nialláin Thiar.



roimhe sin.<sup>138</sup> Scéal scéil atá i gcuid mhaith de na cuntais seo, déarfainn, agus d'fhéadfadh sé gur chuir cuid acu béim áibhéalach ar a raibh ag tarlú an tráth sin le gníomhaithe teanga a spreagadh chun lámhscríbhinní a gceantar dúchais a chnuasach agus a shábháil ón slad seo agus, ó tharla cuid de na scríbhneoirí seo a bheith bainteach go dlúth leis na ceantair a luaitear sna cuntais féin, béim a chur ar an mbaint thábhachtach a bhíodh ag na háiteacha seo le saothrú na lámhscríbhinní.<sup>139</sup>

Más fíor an méid sin, ní gá nach féidir iontaoibh a bheith againn as na mionchuntais

<sup>138</sup> Tá an nós sin le brath go tréan ar chuid de na cuntais a scríobhadh inár linn féin, fiú, nuair a deir scríbhneoirí go mbíodh 'lámhscríbhinní á scaipeadh de shíor' idir scríobhaithe nó 'á gcnuasach gan stad' ag na bailitheoirí, srl.

<sup>139</sup> Féach, mar shampla, an léirmheas a thug an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh (Ua Muireadhaigh 1925: 29-33) ar leabhar Dhomhnaill Uí Chorcora, ina ndeir sé go mbíodh mórán lámhscríbhinní á gcur le chéile i ndeisceart Uladh suas go dtí c.1900. Cuimhnítear air gur thug Cullen (1969) faoi theoiricí Uí Chorcora ina dhiaidh seo, ach ba leis an gclaonadh chun cúigeachais ba mhó a ghlac an tAth. Ó Muireadhaigh (1925: 29-31) cor leis an leabhar,

In so far as it deals with the eighteenth century literary history of Gaelic Munster, the *Hidden Ireland* is a most satisfying book ... it filled our souls with envy to think that, here in Ulster, we have no pioneer critic ... who would do for our Ulster poets what Corkerry [*sic*] has done for Eoghan Ruadh, Aodhgan O Rathaille, and Brian Merriman.

The book has one very serious fault—the treatment of the Ulster poets. ... We object particularly to criticism of the type contained in the following passages:—

“This study has not often glanced outside the south-west corner of Munster. The reason of this is, of course, that there the Gaelic world was most self-contained and most intact; still possessed in it more of the light of the brain as well as the impulse of the heart ... Near Dundalk a poet named MacAlindon is said to have kept a school of poetry ... But, as in Connaught, so, here too, in South Ulster, in spite of this literary activity, the break with the past is noticeable. *Anonymous singers in Munster wrote a more refined type of lyric than the most famous poets of this school.*” [= Corkery (1924: 146)].

An freagra a thug Ua Muireadhaigh (1925: 30-1, 33), tá cuid mhaith den ghreann, den áibhéil, agus den fhírinn lom ann,

The italics are ours. Had Daniel Corkerry's ignorance of Ulster poetry been of the invincible type we could not have blamed him. ... [O]ne would expect that, before any critic could consider himself competent to pass judgment in a question of this kind, he would at least have examined those slender collections which have been published. ... Of course such comparisons are distasteful, but the challenge was thrown ...

The scribes of this district can be enumerated in scores, and the copying of manuscripts was carried on without a break up to the final decade of the nineteenth century. And this is our best answer to the charges that our literary tradition was prostrate, that we had broken with the past, or that our Gaelic world was less self-contained or less intact than in any other part of Ireland.

Cogadh an dá idéal. Más ea gur leanadh de lámhscríbhinní a ghráfadh go dtí c.1900, is beag acu a tháinig slán, agus is beag an tuiscint a bhí ag an-chuid de scríbhneoirí na tréimhse sin ar scóip an traidisiúin scríbhneoireachta sa cheantar, toisc nach raibh an chuid is mó de na lámhscríbhinní cláraithe an tráth sin. Locht eile atá ar an sliocht seo, agus ar shaothair dhíograiseoirí eile na tréimhse sin, is ea go mbíonn idéalachas agus róchaoinúthracht na seanghluaiseachta teanga le brath go mór ar an gcuid is mó dár scríobh siad. Tá, diomaithe de sin, cuid mhór mhaith den fhírinn i gcaint an dea-Athar Uí Mhuireadhaigh thuas, más fíor go raibh traidisiún na lámhscríbhinní i ngeall is a bheith marbh faoi 1860; Oisín i ndiaidh na Féinne, más suarach a rá, ab ea é Séamus Mac Giolla Chomhghaill, an té a lean air ag scríobh go dtí an bhliain 1900.

féin. Níor mhiste cuid díobh a atáirgeadh anseo, óir is beag fianaise eile atá againn, seachas na catalóga ceant, b'fhéidir, ar a raibh ann tráth de lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge sa cheantar.

### 1. Co. na Mí, Bealtaine 1899.

*Litir ó Kuno Meyer chuig Dubhglas de hÍde a cuireadh i bprionta ar an Freeman's Journal, an 5 Meán Fómhair 1900, agus lenar chuir de hÍde féin réamhrá fada.*

A few weeks ago, a Liverpool gentleman, Mr John G Gilbert, came to me with the tattered and soiled remains of four different Irish manuscripts, neatly and carefully written during the latter part of the last century. In a statement which he drew up at my request he gives the following account of the circumstances under which he found them. For certain reasons he suppresses the name of the village and neighbourhood where he made this find,

[Here follows Mr Gilbert's narrative. I have omitted the account of what brought him for the first time to Ireland, but the following is the conclusion of the narrative. From what he says in the first part of his story I think that it happened in or near the county Meath.—

DOUGLAS HYDE.]

“Arrived at the river, I asked at an old cottage where a tiny patch is washed by the stream if I might leave my luncheon basket. ‘By all manes, sir, and welcome,’ was the response, and by the close of the day my second hestess [*sic*] had secured a promise that I would come and stay to fish the river from her house the following year, and so in May twelve months ago I again had a happy week under her roof. ...

“Coming from fishing through Mrs C's plot, on my first day I picked out of the long grass the wet and tattered remains of a book and loose leaves most carefully written in characters and language entirely unknown to me. Feeling they were of interest I asked Mrs C if she had more, what they were, and how they came to be where I found them? ‘Sure they were a lot of old Irish writings my father had’ (he was a schoolmaster 60 years ago). ‘We cleared out the loft, and Paddy threw them in the river beyant.’ And so perished a clothes-basket full of old Irish manuscripts—less the portion I secured—of unknown value to Irish studies, the life-long collection of a highly intelligent man.”

Let these extraordinary facts speak for themselves; I will only add a very short account of the manuscripts which Mr Gilbert has recovered.

There are altogether the remains of four separate manuscripts. ...

Déarfainn, ar an bpeannaireacht, gur scríobh Silbheastar Mhac Gibne (c.1796-1868) an t-aon cheann acu atá a fhios againn cá bhfuil sí, LB Add. 40767.<sup>140</sup>

## 2. An Charraig Dhubh, Dún Dealgan, Co. Lú, c.1900.

*Leagan amháin den chuntas a thug Énrí Ó Muirgheasa ar an dóigh ar tharla beagán de lámhscríbhinní Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme ina chnuasach féin, 1902.*

Ar bhfágáil bháis dó san bhln. 1882, bhí bocsa mór lán de lámhscríbhinní aige, do réir an sgeíl mar fuaireas fhéin é ón a inghin, bean Uí Chearbhaill, a bhí na cómhnuidhe san Blackrock Hotel, Blackrock, áit atá trí mhíle ó dheas ón tSráid Bhaile. Mar bhíodh a lán stráinséirí isteach is amach san toigh ósta chuir Bean Uí Chearbhaill an bocsa mór isteach i seomra iadhta le súil is go mbéadh sé slán annsin. B'éigin beirt fhear a chur leis dá iomchur suas an staighre bhí sé comh trom sin. Ach bhí bitheamhnach cailín aimsire aici san toigh ósta, agus nuair a bhéadh easbhaidh páipéir uirthi-se leis na teintreacha a lasadh bhaineadh sí feidhm gan fhios do bhean a' toighe as na seanleabhraí dubha ins an bhocsa, agus nuair a tháinig Bean Uí Chearbhaill uirthi bhí na lámhscríbhinní beag nach uile dóite aici. Níos lugha ná duisín aca a bhí fágtha. Thug Bean Uí Chearbhaill iad seo damhsa san bhln. 1902.<sup>141</sup>

Diomaite de go luann Ó Muirgheasa (1915: xi) go bhfuair sé cuid mhaith de lámhscríbhinní Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, is beag cuntas cruinn a thugann sé ar an gcnuasach, taobh amuigh den cheann thuas, agus na nótaí a d'fhág sé againn in Morris (1938). Tá níos mó ná 11 lámhscríbhinn i gcnuasach Énrí Uí Mhuirgheasa atá incheangailte le cnuasach Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, agus is trua nach luann sé go díreach áit ar bith cé hiad na lámhscríbhinní a thug Anne Jane Carroll, iníon an scríobhaí, dó.

<sup>140</sup> Féach an *B.M. Cat.*, ii, 437; Sharpe (2017). Áirítear LB Add. 40767 mar lámhscríbhinn de chuid Silbheastair Mhic Gibne (*q.v.*) ina chuntas i gCaib. 2.74 thíos.

<sup>141</sup> Ó Muirgheasa (1939: 184).

### 3. Taobh Chrom, Co. Ard Mhacha, c.1905; Maigh, Co. Ard Mhacha, c.1868.

*Dhá chuntas a fuair an tAth. Lúcas Ó Domhnalláin thart faoin mbliain 1908.*

Patrick Jordan, of Tiffcrum, told me that only two or three years ago a large boxful of MSS. which were in his house were thrown out as useless. They were written by his father William Jordan, one of the best Irish scholars of his day. Some of his transcriptions are to be found among the late Monsignor O'Laverty's collection, part of which is now in St. Malachy's College, Belfast; among others a "metrical Life of Christ."

Mrs. Connellan, of Meigh, informed me that about forty years ago she used for lighting the fire the full of a large carpet bag of MSS. belonging to John O'Neill, an uncle of her husband's. She said the bag was a yard long and a yard and a half in depth, that some of the MSS. were the size of turf-sods! She also told me that John O'Neill recognized no better Irish scholar than himself only John O'Donovan, and so great was his admiration for this Titan that he used to pray for the success of his labours every night.

And not very long ago Michael Bennett, of Ballykeel, a nephew of Art Bennett's, assured me that he had known as much as a large sackful of Art's MSS. to be sent away to England; "Aye," he said, "as much as a strong man could carry on his back." A daughter of Art's, who still lives in her father's house, saw him give the full of a handkerchief of his writings to his son when he was going to England.<sup>142</sup>

### 4. Deisceart Cho. Ard Mhacha, 19ú agus 20ú hAois.

*Cuntas a scríobh Hugh Kelly, Slatequarry, Coiligh Eanach, Co. Ard Mhacha, am éigin idir 1913 agus 1918, an bhliain a bhfuair sé bás.*

We believe that in no other part of Ireland has such a wholesale destruction of priceless MSS. occurred, through neglect or ignorance, as took place within and around the confines of Cullyhanna parish during the last twenty years, and many others that escaped the fire and the dunghill were scattered far and wide beyond all reasonable chances of recovery . . . . .

- (1) A record of the Catholic families of Lower Creggan parish, written by *Rev. Patrick Lambe* (d. 1860). This work is said to have dealt with almost every family in Cullyhanna (or Lower Creggan) parish, and details in the history of some were given as far back as two hundred years. It contained also an account of some of the principal Catholic families of Dundalk and North Louth, and a translation in English

---

<sup>142</sup> Donnellan (1908: 67). Faoi athchló in Ó Casaide (1929e).

was given on the opposite page in three different hands. This Ms. turned up during the spring of 1911 . . . . It was torn up and burned by children a few weeks after being found. About forty years ago there was a good collection of the Lambe MSS. in possession of the Rev. James Malone, P.P., Belmullet, Co. Mayo, and during the summer of 1901 a very large and well-preserved one was exhibited for sale in the window of a second-hand book dealer in Dublin, for which he wanted four pounds . . . Many others were destroyed by a brother of Lambe who kept a shop at Mounthill. He used them to paper soap, candles, and other groceries. But the greatest destruction of all occurred at Cullyhanna during the spring of 1900, when ——— threw into the dunghill four basketfuls of MSS. ——— thought they were old Latin writings and of no use, but we have positive proof that they were Irish.

- (2) *Hugh Kelly* (Art, grandfather of the writer), born at Carnnaguspa, Sept. 29, 1785, and died January 4, 1864. Many of his notebooks and family papers in English are still preserved but scarcely a dozen words of his Irish writings remain.
- (3) *Owen Harte* of Ummercam, who died about thirty years ago, left several MSS. which were allowed to remain on top of a dresser till they rotted away with dampness.
- (4) *Molly Macken* of Tullinavall (afterwards Mrs. Rooney) was a good Irish scholar and lived about eighty years ago. A MS. belonging to her was in existence till twelve years ago but cannot be located now. The woman was a sister of the noted Latin teacher, Joseph Macken, who taught in Cullyhanna and Carrickrovaddy between 1835 and the sixties.
- (5) In the house of Thos. McKenna, Cregganduff, a large MS. was destroyed about fifteen years ago. It belonged to a relative, the late Father Loy, P.P, Ballymacnab, but who the writer was we cannot say.
- (6) Another was burned eight years ago in Michael McCooley's house, Cavanakill near Newtownhamilton.
- (7) A man named John Loughran, a native of Dorsey, made a great collection of Irish writings in his time. . . He purchased a great many Irish books and MSS. from a man named Bennett who then lived in the field east of the old police barracks (at Kilcurry). Part of them was taken to Ballymoyer parish by his brother, Rev. Peter Loughran, who was a curate there . . . died there in July 1881 . . . A relation, Father Patrick Loughran . . . took a MS. . . . of the Dorsey collection, when a

student in Maynooth . . . after being ordained he got three others. A religious MS. of this collection also and a printed copy of Bedell's Irish Bible were traced to Newtownhamilton where they were found on a garret about five years ago. The MS. in a fairly good state of preservation consists of 130 pages and was written by Patrick McGahon of Dungooly who flourished about 1769. It is now in the hands of Mr. Henry Morris.<sup>143</sup>

Maidir le (1) thuas, is fiú a lua go bhfuil leagan eile den scéal seo ann, agus

lámhscríbhinní Airt Mhic Cumhaigh i gceist an tráth seo,

After his death his MSS. it is said, became the property of a man called Tom Lamb at Mounthill, but Tom's daughter, Betty, opened a small shop at Glasdrummond chapel, and paper being scarce, she tore them up for parcelling goods.<sup>144</sup>

Thug Ní Uallacháin (2003: 22) cuid mhaith sonraí le chéile faoi scriosadh

lámhscríbhinní sa réamhrá a chuir sí lena saothar ar thraidisiún Oirialla, *A Hidden*

*Ulster*, agus ina measc tá tagairt thar a bheith spéisiúil aici ó na nótaí a chuir Tomás

Mac Cuilleannáin (Thomas Hollywood) le chéile ar labhairt na Gaeilge i ndeisceart

Cho. Ard Mhacha, nótaí atá i dtaisce in iarsmalann Choimisiún Bhéaloideasa

Éireann. Cuirtear béim ar leith anseo ar an bhfeachtas neamhoifigiúil a chuir an

Eaglais Chaitliceach ar bun in éadan na teanga, inar cuireadh brú ar scríobhaithe

Caitliceacha éirí as scríobh na teanga, agus ar an bpobal gan ábhar Gaeilge a léamh,

ar fhaitíos go raibh lámh ag na cumainn bhíoblóireachta ann, mar a thugtar le fios sa

chéad ghiota eile thíos,

---

<sup>143</sup> Kelly (1954: 115). Tá an dáta a tugadh do Phádraig Mhac Gatháin mícheart: idir 1813 agus 1844 a bhíodh sé ag scríobh, agus is dócha gur léamh gasta ar a ndeir Ó Muirgheasa (1976: 162) faoi CM L16 (*ol.* O'Lav. K) ab ábhar leis sin.

<sup>144</sup> Ó Muirgheasa (1916: xxiii).

## 5. Deisceart Cho. Ard Mhacha, 19ú hAois.

*Tomás Mac Cuilleannáin ag trácht ar lámhscríbhinní a ghráf deartháir a sheanathar, Tomás Mac Cuilleannáin eile.*

I became aware that a granduncle of mine, a namesake Thomas Hollywood, was a scribe and had accumulated a considerable quantity of manuscripts ... His son told me that his father stopped the copying of manuscripts when the clergy advocated the *abandonment of Irish in the interests of the Faith* ... They (the children) found in the manuscripts a very valuable but unappreciated alternative for toys.<sup>145</sup>

## 6. Crois Mhic Linnáin, Co. Ard Mhacha, c.1907.

*Cuntas eile a fuair Hugh Kelly, c.1916, ina ndéantar trácht ar lámhscríbhinní ón dúiche thart ar Bhaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin, a scriosadh i ndeisceart Cho. Ard Mhacha, rud a chuir sé chuig Énrí Ó Muirgheasa i litir dar dáta mí Dheireadh Fómhair 1916.*

A poultry dealer named James Mac Conville, of Crossmaglen, told me recently that, about nine years ago he attended an auction of house furniture, etc., at the residence of the late Mr. Lambe, National Teacher, Dromore N.S., near Castleblayney. He purchased, among other things, an old box or trunk containing some books. When he examined the contents of the box at home he found in it eight large volumes written in Irish, or at least about one-half were written entirely in the Irish character, and the remainder in English letters, but in the Irish language. The contents appeared to be nearly all songs, and as each MS., he says, contained on average about fifty songs, the whole collection must have comprised about 400 songs. Art MacCooey's name was "signed," he says, to the ones written in Gaelic, and the penmanship was splendid. He could not remember the name on the ones written in English or Roman characters. I suggested four or five names, and amongst the rest Peadar O Doirnin. He at one said O Doirnin's was the name. When I asked him what had become of them, he replied that they had been given to the children as play-toys, and had been torn to pieces!<sup>146</sup>

Ní hé go raibh lámhscríbhinní le hArt Mac Cumhaigh agus le Peadar Ó Doirín sa bhosca sin, ach lámhscríbhinní ina raibh dánta leis an mbeirt acu, mar a mheabhraigh

<sup>145</sup> COBÁC CBÉ LS. 1213, lgh 387-8; cóipeáladh an giota beag thuas as Ní Uallacháin (2003: 22).

<sup>146</sup> Ó Muirgheasa (1916: 198); faoi athchló in Ó Casaide (1930), le ceartúchán air in Ó Casaide (1930a).

Ó Muirgheasa (1916: 198) dúinn tamall fada ó shin. Tháinig William Sheridan ón Seanchaisleán, Co. na Mí, a raibh páirt aige le hÚna Ní Fhaircheallaigh (1874-1951) ar thaobh a máthar, ar ghiota lámhscríbhinne, ar a dtugtar ARÉ 12F51 (1103) anois, ar thaobh an bhealaigh i Muintir Chonnacht, Co. an Chabháin. Cuireadh an dán a bhí inti, *Álainn Dún Mhic Mhuire*, i gcló in *Irisleabhar na Gaedhilge* sa bhliain 1901, mar aon le plé gearr ar an dóigh a bhfuair sé an giota sin,

The above represents the contents of what remains of a small paper MS. found by Mr. William Sheridan, of Boolies, Oldcastle, Co. Meath, on the roadside in Muintir Chonnacht. The MS. had evidently been thrown out of some house as rubbish. ... Mr. Sheridan is to be commended for preserving the MS. from destruction. Another instance of the like in Co. Meath was made known through *An Claidheamh Soluis* some time ago by Professor Kuno Meyer. There has been wholesale destruction of MSS. in the counties of Meath and Cavan. ...<sup>147</sup>

Is cosúil gurbh é Séamus Mhac Thighearnáin (*fl.* 1770-80) a scríobh an giota sin, cé nach bhfuil ainm ná dáta leis. Thug mórán sealbhóirí eile lámhscríbhinní thar saile leo, de réir Murray (1915), agus tá cuntas ag Hyde (1910: xlvii *n.*) ar lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt a cheannaigh gníomhairí ar son díoltóirí leabhar i mBaile Átha Cliath sa dara leath den 19ú hAois, sa dóigh gur díoladh le bailitheoirí eachtrannacha cuid mhaith acu,

A well-known second-hand book-seller in Dublin assured me recently that as many as 200 Irish MSS. had passed through his hand within the last few years. Dealers had purchased them throughout the country in Cavan, Monaghan, and many other counties for a few pence, and sold them to him, and he had dispersed them again to the four winds of heaven, especially to America, Australia and New Zealand. Many of these must have contained

---

<sup>147</sup> I gcló in Anon. (1901: 89 col. b – 90 col. a).

Féach fosta an nóta a scríobh Seosamh Laoide ar an gclúdach litreach ina mbíodh an bhlogh lámhscríbhinne sin ar coimeád,

‘Fuar[th]as í seo istigh ar thaoibh an bhealaigh i Muintir Chonnacht i mBreifne Uí Raghallaigh. Liam Ó Srudáin a fuair 7 a thug do Phádraig Mhac Thorcaill a thug damhsa í. Seosamh Laoide’.



matter not to be found elsewhere. All are now practically lost, and nobody in Ireland either knows or cares.<sup>148</sup>

Is eol dúinn go gcuirtí gníomhairí a lorg lámhscríbhinní faoin tuath, óir b'in an dóigh a bhfuair Hodges & Smith seilbh ar an gcnuasach mór leabhar a dhíol siad leis an Acadamh Ríoga sa bhliain 1844, agus deirtear go mbíodh Brian Mag Oireachtaigh, díoltóir leabhar agus scríobhaí ó Shr. Anglesea i mBaile Átha Cliath, ag babhtáil leabhar urnaithe le James Duffy (c.1809-1871),<sup>149</sup> ar son na lámhscríbhinní a bhí Duffy ag bailiú dó faoin tuath. Ina ainneoin sin, agus ní hionadh é, is doiligh mórán samplaí nithiúla a thabhairt de lámhscríbhinní ón gceantar seo atá i gcnusaigh eile thar sáile agus a tharla ann sa dóigh sin,<sup>150</sup> cé go bhféadfaí tagairt a dhéanamh do na trí lámhscríbhinn a cheannaigh an Leabharlann Náisiúnta ó dhíoltóir leabhar in Newcastle-upon-Tyne in 1928 mar shampla de seo.<sup>151</sup> Tá cúpla lámhscríbhinn de chuid an cheantair i Meiriceá.<sup>152</sup> Cuid de na lámhscríbhinní ar thángthas orthu i seilbh phríobháideach nó i leabharlanna<sup>153</sup> go luath san aois seo caite, tá siad imithe

---

<sup>148</sup> Caithfidh sé go bhfuair sé tuairisc orthu deich mbliana roimhe sin ar a laghad, óir tagraíonn sé don scéal céanna sa litir a chuir sé le halt Kuno Meyer, agus a cuireadh i gcló ar *The Freeman's Journal* ar an 5 Meán Fómhair 1900, ina bhfuil trácht ar 200 lámhscríbhinn a dhíol díoltóir leabhar éigin ó Bhaile Átha Cliath le bailitheoirí eachtrannacha.

<sup>149</sup> Bhí James Duffy, a rugadh i nDún an Rí, Co. an Chabháin (nó i gCo. Mhuineacháin, mar a deirtear áit eile), ina fhoilsitheoir níos déanaí ina shaol, agus tá nóta air in Russell (1895).

<sup>150</sup> Tá mórán lámhscríbhinní ón gceantar seo i Leabharlann na Breataine, ach is eol dúinn gur tháinig formhór mór dá bhfuil i gcnuasach Egerton (ina bhfuil siad bunús uilig) go díreach ó Shéamus Ó hArdagáin; de na lámhscríbhinní Gaeilge atá sa tsraith sin, cheannaigh údaráis na leabharlaine LB Eg. 83-99, 101-198, 208-211, 213, agus 214 uaidh sa bhliain 1832, *B.M. Cat.*, iii, 19-20.

<sup>151</sup> LN G227, LN G228, agus LN G231.

<sup>152</sup> Féach an liosta bailiúcháin.

<sup>153</sup> Chun tosaigh i measc na lámhscríbhinní de chuid an cheantair seo a mbíodh fáil orthu go dtí le déanaí tá na 16 lámhscríbhinn (agus dhá bhlogh eile nach lámhscríbhinní ó cheart iad—féach nóta 21) a bhíodh i Leabharlann Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus nach mbeadh a dhath ar bith ar eolas againn ina dtaobh murab é gur cuireadh ar mhionscannán iad c.1951 don Leabharlann Náisiúnta. Maidir leis an lámhscríbhinn a bhí i seilbh James Fenton ó Chill Bheagáin i gCo. na hIarmhí céad bliain ó shin, agus atá curtha síos mar lámhscríbhinn chailte sa *Treoir.*, 77 §341, b'fhéidir nár mhiste a lua go bhfuil leid sa nóta seo a leanas in alt le Donn S. Piatt gurbh fhada a bhí cónaí air sa chontae sin, 'Mr. Fenton (Séamus Ó Fianachda) tells me he heard Irish, thirty years ago, near Fore, in Westmeath' (Piatt 1934: 12). Conraitheoir agus údar leabhar Gaeilge a bhí ann. Ba mhór an chaill iad lámhscríbhinn Phádraig Uí Cheogáin, a scríobhadh i mBéal Átha hÉis, Co. an Chabháin, idir na blianta 1787 agus 1791, *Treoir.*, 88 §410 (féach Caib. 1.1.1 agus nóta 106); agus an lámhscríbhinn a bhí i seilbh Patrick O'Donnell, *Treoir.*, 83-4 §381, a bhfuil cuntas air i nóta 3239 thíos; féach an t-eolas a thugtar sa *Treoir.* fosta.

ó thuairisc anois, agus tá sé gar do thríocha bliain ó rinneadh an suirbhé deiridh—sin an *Treoir*.—ar chnuasaigh lámhscríbhinní: theip orm teacht ar chnuasach beag a bhí ar fáil nuair a cuireadh an treoir chruinn sin le chéile, fiú.<sup>154</sup> Is dóigh go bhfuil lámhscríbhinní aonair sa tír seo in áiléir sheantithe agus i gcnuasaigh phríobháideacha nach fios gurbh ann dóibh go fóill, ach tá sé cúig bliana anois ó fuair Acadamh Ríoga na hÉireann fáltas úr i bhfoirm lámhscríbhinne traidisiúnta Gaeilge,<sup>155</sup> agus ní dócha go dtiocfaidh méadú mór ar a líon amach anseo, murab é go bhfuil cuid mhaith acu i Meiriceá agus san Astráil nár tugadh faoi deara go fóill.

Ba ghnách ó thús ama, nuair a d’fhéach cultúr amháin le concas a dhéanamh ar chultúr eile, agus iad a bhrú faoina gcosa, go ndéanfaí dianiarracht cultúr, teanga agus stair an dara cultúir a ghlanadh agus a ligean i ndearmad go buan, agus más é nach doiligh a shamhlú gurb iomaí lámhscríbhinn a cailleadh dá bhrí sin le linn an dara concais, ní chreidfí chomh réidh sin go mbeadh na hÉireannaigh féin freagrach as díothú a seanchultúir féin trí chéad bliain ina dhiaidh sin. Ní hé gur ní uathúil é luachanna aon ghlúine amháin a bheith bunoscionn leis an dream a tháinig rompu, agus b’in mar a bhí cúrsaí leis an nglúin a tógadh i ndiaidh do thraidisiún na lámhscríbhinní, agus na litearthachta sa Ghaeilge, a dhul i meath, agus ní hé gur feiniméan é seo a bhaineann leis an seanphort sin, ‘Galldú na nGael’, amháin.

Tharraing Ní Shéaghdha (1985: 1; 1999: 3) aird ar an méid lámhscríbhinní a dódh i dtinte cnámh ar a dtugtaí ‘Scotus’ Bonfire’ nuair a dúnadh na mainistreacha i Sasana sa 17ú hAois, nuair a thug scoláirí droim láimhe do sheanléann na scol a bhíodh i

---

<sup>154</sup> Sin lámhscríbhinní Aibhistín Mhic Amhlaigh, a fuair bás sa bhliain 2010, ach níl na lámhscríbhinní i seilbh a mhuintire anois. Mo bhuíochas lena mhac, an Dr Liam Mac Amhlaigh, Ollscoil Mhá Nuad, a rinne cuardach ar pháipéir a athar ar mo shon, agus leis an Oll. Seán Duffy, Coláiste na Tríonóide, a roinn a chuid eolais liom go flaithiúil i dtaobh na lámhscríbhinní sin. Mo bhuíochas fosta le Noel Ross, eagarthóir an *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society*, a scríobh nóta chugam faoi pháipéir Aibhistín Mhic Amhlaigh.

<sup>155</sup> ARE 4A58. Uilliam Ó hAodha a scríobh, c.1823. Níl clárú déanta ar an lámhscríbhinn, ach dhealródh sé gurbh fhada a bhí sí i seilbh mhuintir de Búrca i gCo. Phort Láirge.

réim go dtí sin.<sup>156</sup> Is ábhar spéise fosta an scrúdú a rinne Ó Corráin (2004) ar scriosadh na lámhscríbhinní in Éirinn sa 16ú hAois agus sa 17ú hAois. Dar leis níorbh é iomthnúth na Lochlannach nó an tsíorchogaíocht a bhí ar siúl idir na hÉireannaigh féin ab ábhar leis nár tháinig ach beagán lámhscríbhinní anuas chugainn, agus tugann sé solaoidí a léiríonn gur beag seasamh atá ag an dá mhíniú seo ar dhíothú na seanlámhscríbhinní. Tugann sé neart samplaí nach n-áireofar arís anseo de théacsanna a ndearnadh cóipeanna díobh mar chuid d'fheachtas Lobbáin agus nach mbeadh tuairisc orthu inniu murach na hiarrachtaí a rinne Mícheál Ó Cléirigh agus a chomhoibreoirí sa ghort seo. Luann sé eachtraí na 1640í agus ar lean iad go sonrach sa chás seo,

An méid a bhí fágtha tar éis longbhriseadh na hÉireann le linn na dTúdar, tháinig Mícheál Ó Cléirigh, fear ionaid léinn Louvain in Éirinn, agus lucht a chúnta ar mhórán de le linn na haimsire a lean ar bhás Eilíse nuair a bhí síocháin mhíshocair in Éirinn sarar bhris an cogadh amach arís i 1641. B' é beartas Louvain agus na bProinsiasach Éireannach, dídeanaithe creidimh agus léinn san Ísiltír, an beartas cultúrtha is mó agus is tábhachtaí maidir le saíocht na hÉireann a cuireadh i bhfeidhm riamh i ré na nua-staire ... Níl aon áireamh cruinn foilsithe go fóill ar an méid a shábháil siadsan, ag taisteal na hÉireann dóibh agus ag bailiú rompu; agus an chuid is mó dá bhfuairadar agus dá dtugadar slán i dtaisce leo go dtí an Ísiltír, cailleadh agus díthíodh na bunlámhscríbhinní go raibh sé iontu in Éirinn. ... [C]ailleadh a bhformhór, agus mórán eile leo ní foláir, sa tarna leath den aois tubaisteach sin le linn chogaíocht Chromail agus na Pairliminte, agus le linn Chogadh na Rí. ... An rud nár loit cogaíocht agus lámh láidir, loit ainnise, anró agus tarcaisne é.<sup>157</sup>

Ní bhaineann an scriosadh a rinneadh sna haoiseanna seo go díreach leis an gcrann a thit ar lámhscríbhinní déanacha an Tuaiscirt i dtreo dheireadh na 19ú hAoise, ach bhí, d'fhéadfaí a rá, baint shonrach ag díothú an tseanléinn sa 17ú hAois le fás an

---

<sup>156</sup> Don té a mhaífeadh nach dtarlódh sin arís, tuigeadh sé nach bhfuil sé ach corradh agus leathchhead bliain ó theilg muintir Shasana a gcuid pianónna amach sna sráideanna go mbeadh áit acu dá dteilifíseáin.

<sup>157</sup> Ó Corráin (2004: 19, 21).

traidisiúin Nua-Ghaeilge. An scriosadh a rinneadh sa dara leath den 19ú hAois, níorbh í an chogaíocht ba cheannfháth leis, ach bhain sé le hathmhúnlú sóisialta a thit amach de réir mar a thosaigh pobail na Gaeltachta sa Tuaisceart a dhul i dtreo an Bhéarla go mór, an Gorta Mór agus an t-anró a lean é ag cur luas faoin ngluaiseacht sin. An fhaill sin a rinneadh lámhscríbhinní a chaomhnú, is éasca a bheith dian ar an nglúin a bhí freagrach aisti, an drong a scrios iad d'aon ghnó go sonrach, ní, mar a chonacthas cheana, ba chuid riamh de reitiric na gConraitheoirí i dtús na 20ú hAoise. Is mó den fhírinne lom atá sa litir bháuil a scríobh Seán Ó Donnabháin—duine a chonaic lena shúile féin an traidisiún liteartha ar an dé deiridh—chuig Thomas A. Larcom, nuair a bhí sé ag obair don tSuirbhéireacht Ordanáis i mBaile na Croise, Co. Dhoire, ar an 20 Meán Fómhair 1834,

The traditions now imperfectly preserved by memory were written some time ago. I enclose a fragment of a well written MS. which treated of names of places. I find the names, Cnoc na Nuall, ... Eas Chronáin, ... and Eas na Fionghaile ... mentioned in it. I also find ro chuir fo'n dumha sa an marbh ..... ro h-ainmnígheadh e. ...

These are the fragments of the writings of the bards of the District, which with many others have rotted in the (sooty) cabins of their wretched descendants. The writing is beautiful and the spelling perfectly grammatical and correct. From this specimen you may form an idea of the taste of the inhabitants of Glenconkeine for preserving the writings of their ancestors. The truth (however) is that ~~is~~ (there can be) no taste where there is no comfort – no love of learning amid the squalor of poverty, and no cleanliness where the smoke and soot (have) rendered the house and everything in it “*black as ebony*,” and where the pig and gander feed promiscuously, and roam about the house just as they please.<sup>158</sup>

## 1.2. Tréithe na Lámhscríbhinní

Ó tharla gur leanadh na scríobhaithe d'fhoirmlí leagan amach agus a gcuid lámhscríbhinní á gcur le chéile acu, is fiú scagadh a dhéanamh ar an gcineál cur

---

<sup>158</sup> ARÉ 14D21, lch 234; in Herity (2012: 79) a fuarthas an méid seo.

chuige a fheictear iontu ar dtús, struchtúr na gcolafon i dtús áite, toisc gur iontu sin a fhaigheann muid bunáite an eolais atá againn ar na scríobhaithe féin, maille le leideanna ar na modhanna oibre a bhíodh acu. Dream thar a bheith teannfhoclach a bhí sna scríobhaithe déanacha seo, murab ionann agus na glúnta a tháinig rompu, a chuireadh scaití gluaiseanna,<sup>159</sup> nótaí mínithe nó pearsanta agus comaoineacha lena gcuid oibre.<sup>160</sup> Nádúr an ábhair féin a bhí á scríobh acu is ceannfháth leis sin go príomha, is dóigh. Ba chóir go dtuigfí go réidh nach éasca tréithe 231 scríobhaí a bhí gníomhach le linn thréimhse 250 bliain a mheas go beacht i mbeagán focal, agus níl sa chuntas seo a leanas ach plé ginearálta ar nósanna scríbhneoireachta a bhí coitiana faoin am sin.

### **1.2.1. Colafoin**

B'fhéidir nach ábhar iontais go mbíonn easpa éigin leanúnachais sa mhéid eolais a thugtar i gcolafoin na lámhscríbhinní, agus go mbraitheann sin ar nósanna agus, go pointe áirithe, ar ghiúmar an scríobhaí féin. Ní bhíonn againn an chuid is mó den am ach ainm an scríobhaí agus dáta scríofa na lámhscríbhinne, cé go dtugann cuid acu a n-aoiseanna nó a slite beatha dúinn. Táthar ar an eolas le fada go dtugadh Peadar Ó Gealacáin sonraí thar a bheith beacht ina chuid lámhscríbhinní ar na dálaí inar scríobhadh iad, ach is gnách nach mbíonn an t-eolas iomlán faoin log scríofa, srl., curtha síos aige ach uair nó dhó i gcorp aon lámhscríbhinne dá chuid, ag tús nó i dtreo dheireadh na lámhscríbhinne, de ghnáth, agus is minic nach mbíonn ach

---

<sup>159</sup> Tá, ar ndóigh, samplaí de ghluaiseanna le téacsanna a chum Seán Ó Neachtain ó lámh an údair féin (nó a mhic), glactar leis, ach ní hionann, mar is soiléir do chách, cur chuige agus modhanna oibre na droinge a bhí ag saothrú i mBaile Átha Cliath lena linn agus scríobhaithe déanacha an Tuaiscirt ar an móróir.

<sup>160</sup> Ní hionann sin agus a mhaíomh, áfach, nár dhream cruthaitheach iad na scríobhaithe déanacha, mar a thuigfí ó alt Bhreatnaigh (1961: 139), a dtugtar giota de i nóta 395. Agus an t-alt céanna i dtrácht ag Ó Buachalla (2009: 157 n.29), deir sé linn gur mhínic na scríobhaithe ina n-eagarthóirí féin, ag cur agus ag baint ábhar de na téacsanna a bhí rompu, de réir mar a mheas siad go raibh gá le forlíonadh nó ceartúcháin, agus tchíonn muid na scríobhaithe ag ceartú saothair scríobhaithe eile ó am go chéile.

tuairiscí loma ar fáil i bhformhór na gcolafoin a d'fhág sé againn.<sup>161</sup> Is teirce iad tagairtí den sórt seo i lámhscríbhinní a charad, Peadar Dubh Ó Dálaigh, sa dóigh gurb annamh a bhíonn eolas beacht againn ar dhátaí scríofa a chuid lámhscríbhinní, agus níl log scríofa luaite aige le ceann ar bith acu ach an iarracht is luaithe atá againn uaidh. Is soiléir gur éirigh sé i bhfad níos leisciúla i dtaobh colafoin a sholáthar de réir mar a chuaigh sé i dtaithí ar an gceird, cosúil le dornán scríobhaithe eile a bhí suas lena linn. Níor nós le scríobhaithe an Tuaiscirt, murab ionann agus togha na scríobhaithe Muimhneacha, dátaí cumtha téacsanna a thabhairt, agus is beag ábhar beathaisnéise a fhaigheann muid ar na filí go dtí gur thosaigh cultúr an chló a dhul i bhfeidhm go mór ar na scríobhaithe dúchasacha sa 19ú hAois.

In ainneoin na luaineachta sin ó thaobh sonraí de, leantaí go docht d'fhoirmlí agus de leagan amach foirmeálta a úsáid sna colafoin de ghnáth, go dtí gur tháinig maolú ar an traidisiún i dtreo lár na 19ú hAoise, nuair a thagann colafoin ghearra Béarla chun tosaigh. B'fhéidir go ndéanfaí iontas dá laghad tagairtí atá againn sna lámhscríbhinní do phátrúin fhoirmeálta, i measc an chineál sin lámhscríbhinní go mórmhór ar ar thug Ó Floinn (1960: 10) 'lámhscríbhinní "tuatha"', .i. cnuasaigh de leabhair bheaga neamhfhoirmeálta a scríobhtaí ar mhaithe le siamsaíocht an scríobhaí nó an phobail de ghnáth, agus a choinníte i gcnuasaigh bheaga áitiúla, nó i 'leabharlann chistine': 'anairde ar an gclabar, nó i bpoll an bhaic' (Ó Floinn 1960: 10). Siúd é an fáth ar thug sé leabharlanna cistine orthu, ar ndóigh, agus dhearbhódh an riocht ina bhfuil cuid acu anois—rianta fliuchacháin, na drochláimhseála agus loitiméirí orthu mar riail—go bhfuil fíorthacht sa chaint sin, dar an leabhar. De dhéanta na fírinne, tá ainmneacha pátrún chomh tearc sin i measc na lámhscríbhinní a grafadh ón dara leath den 18ú hAois ar aghaidh go dtuigfí astu gur beag pátrúnacht a bhí ar fáil ar

---

<sup>161</sup> Is coitianta i bhfad nótaí a mharcálann deireadh téacs ná aon rud eile sna lámhscríbhinní, ar ndóigh, m.sh. 'Gurab e sin bás Cloinne Uisneach go n-uige sin', LB Eg. 171, f. 40b.

chor ar bith sa tréimhse sin féin, go dtí gur thosaigh Roibeard Mac Ádhaimh agus a lucht comhaimsire ag díol leis an nglúin deiridh lámhscríbhinní a chóipeáil. Má tá sé amuigh ar scríobhaithe Bhréifne gur choinnigh pátrúin fhlaithiúla de chuid na sean-uasalaicme i mbun oibre iad go dtí c.1730, is doiligh cuimhneamh ar dhuine ar bith de na pátrúin seo a bheith á lua arís is arís sa chorpas lámhscríbhinní, taobh amuigh de Bhrian Mhag Uidhir, a bhfuil méid substaintiúil de thorthaí a chuid flaithiúlachta againn anois.<sup>162</sup>

Tréith eile de chuid cholafoin agus nótaí mínithe na lámhscríbhinní a grafadh roimh an dara leath den 18ú hAois—i ndiaidh ghorta na bliana 1740, abraimis—is ea gurbh fhéarr le lucht a scríofa eolas a thabhairt dúinn ar a gcuid foinsí, ar a olcas a bhí siad, nó nuair a d’airigh siad an téacs a bheith lochtach ar dhóigh amháin nó eile. Más fíor gur féidir drogall áirithe loig scríofa a thabhairt a bhrath ar chuid acu, bhí fonn thar a bheith láidir ar dhrong eile díobh a nginealaigh a thabhairt dúinn, iad siúd a raibh ceangal éigin leis na seanuaisle acu, ach go háirithe. Áit a dtugann Peadar Ó Gealacáin, duine den chosmhuintir, ainmneacha an chúigir nó an tseisir a tháinig roimhe ina ghinealas, rinne Seán Ó Cléirigh agus Labhrás Ó hArann dianiarracht iad féin a cheangal le scoláirí Gaeilge na 17ú hAoise, agus b’ionann do Phillip Ó Raghallaigh a chuireann in iúl dúinn gur de sheanuaisle Bhréifne é—níor leor sin dá dhuine muinteartha, Toirdhealbhach Ó Raghallaigh (*fl.*1684(?)), a rianaigh a ghinealas siar do Seth agus Ádhamh le cúnamh na seanghinealach.

Tharla gur luadh cheana go bhfuil ionannas áirithe i measc na lámhscríbhinní ó thaobh an eolais a roinntear linn iontu, níor mhiste anois pailt samplaí de na bunstruchtúir dá leanadh na scríobhaithe a chur faoi bhráid an léitheora anois.

---

<sup>162</sup> Tá corrlámhscríbhinn againn go fóill a scríobhadh do phátrúin eile, m.sh. LN G167 a scríobhadh d’Aodh Ó Domhnaill sa bhliain 1727, agus MN C14 a scríobhadh don Ath. Aodh Ó Canainn, ach níl mórán eile ar fáil ina dtaobh.

Tabhair faoi deara go dtagann an réamhfhocal *le* de ghnáth, idir an briathar *sgríobh*, *graif*, srl., agus ainm an scríobhaí, agus go n-úsáidtear an réamhfhocal *do*, nó *do chum* (*úsáide*) roimh ainm an phátrúin, má luaitear é, lena dhealú ón scríobhaí féin. Fillfear ar an gceist seo ar ball.

- [1] <A>rna sgríobhadh le Semus Ó Gribin an ceathrom[h]adh la don mhídh Mhárta an bhliaghain d’Aoís ar tTighearna 169<sup>8/9</sup>.<sup>163</sup>
- [2] Aig sin finit ris an Teanga Bhithnua *airna* sgríobhadh le Padruig O Doibhlin do chum usaidi Chuinn Ui Neill.<sup>164</sup>
- [3] Arna sgríobhtha le Pattraig O Riaghallaigh an hochtmhadh la  $\gamma$  20 do mhí an Athbraon  $\gamma$  an bhliadhain d’Aoís an Tig[h]earna 1722. Agus gach duine chifios no léighfíos e, tugadh *beanna[cht]* ar anmonn an sgríobhneoir,  $\gamma$  na dearmoid an sealbhuighdóir [*i bpeannaireacht eile:*] .i. Nioclas Ó Marcaigh.<sup>165</sup>
- [4] Ag so leabhran Emainn Mhic Aodha iarna sgríobhadh rena b[h]rathair Cu Chonnacht Mac Aodh an b[h]liadhainsi d’Aoís an Tighearna 1664, & ailim ar gach aon leighfios no urleighfios so fa ghuidhe ar anm(h)uin an ti ro sgríobh an beagan ionnus go bfaghainn maitheamhnus im thairmtheachtaibh  $\gamma$  fochrairc [*sic*] on [g]coimhdhe cumhachtach iar n-ég damh  $\gamma$ rl.<sup>166</sup>
- [5] Airna sgríobhadh le Toirdhealbhach [Mac] ’ol Chear. Tuig, a d[h]uine, gur gnathach *ceachtar* de 4 hainiarsmaibh ag teacht ar d[h]uine do.<sup>167</sup>
- [6] Ag s[i]nn Eachtragh Chloine Ríogh na hIoruaiigh arna chur a ccartchrioch le Seamuis Mhac Ciarnann san mbliaghain d’Ioís ar tTigharna 1770. Guidh ar anamnaibh mharbh purgadoar; na dearmuid ann sgríobhnóir Seamuis Mhac Ciarnann  $\gamma$  guidhe ar anam Mhriartigh Mhic a’ Bhaird. Finit.<sup>168</sup>
- [7] Ag sin agad a leag[h]thoir Comhraig an Mhacaomh Mór Mhic Rígh na hAspaine  $\gamma$  Osgur mhic Oisinn go n-uige so. Airna sgríobh liomsa .i. Eoin Ó

<sup>163</sup> ARÉ 24L17 (127), f. 104v.

<sup>164</sup> LB Eg. 174, f. 12. Pádraig Ó Doibhlin (*fl.*1726-7) a scríobh, gan dáta.

<sup>165</sup> ARÉ 24P42(1) (1405), lch 212. Tugtar eolas i dtaobh Niocláis Uí Mharcaigh i nóta 3497.

<sup>166</sup> LB Sl. 3567, f. 33b.

<sup>167</sup> ARÉ 23I37 (422), lch 32. Ba é Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [1] an scríobhaí.

<sup>168</sup> ARÉ 23A25 (628), lch 356a. Bhí Séamus Mhac Thighearnáin ag deisiú na lámhscríbhinne.



Gribpin ó Bhollabhíghrichain a gConntae Dumhin san mbliadhain d’Aois an Tíg[h]earna 1798. G(h)uidhe sírt[h]rocaire dham, a leagthoir.<sup>169</sup>

- [8] Ag so macleabhar arna tharraig, 7 arna sgríobhadh go nua as an leabhor cló reimhraithe iarna sgríob[h]adh do láimh Phádraic Mac Oghannain an 24 do mhí January an bhliadhain d’Aois an Tighearna 168<sup>5</sup>/<sub>6</sub>.<sup>170</sup>
- [9] Arna c[h]ríochnúibh le Shéamús Mac Gilróidh [*i láimh Phádraig de Búrca:*] c[h]um Padhraig Buirce, M.D.CCC.XVIII.<sup>171</sup>
- [10] A leight[h]eoir aithcrim [*sic*] ort guidhe *ar* an sgríobhneoir a n-onoir na Trionoide Ro-Naoifa. Misha Aemon Mhc Caba nGraighmhillin a bparist(h)a Mhara Clooná 7 Cuindgh Mhinahinn.<sup>172</sup>
- [11] Arna sgríobhadh do chum úsáide an Athar Ghiolla Pádraig Mheic Murc[h]adh, 7 gach aon léighfeas áon ní dhe, tabhraidh míle beandacht rém m’anmain, 7 mar an gcéadna dhó úaimsi, & mé ar sgur dá sgríobhadh an 21 lá do mhí Februari, an bhliadhainsi d’Aois Chríost Anno Domini 1681. Meisi Conchubhar Mhág Aodh.<sup>173</sup>

An lámhscríbhinn as ar cóipeáladh an colafon deiridh thuas, LN G1304, is é is ábhar di cóip de ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’, mar aon le roinnt filíocht Ultach atá thar a bheith uathúil. Dealraíonn sé, má ba cheart don Chaird. Ó Fiaich (1974: 296-7), go ndearnadh an scríobh do shagart as Co. Ard Mhacha, an tAth. Patrick Murphy (*fl.*1704), sagart paróiste an Chreagáin, agus ar a dtugtar an tAth. Giolla Phádraig Mac Murchaidh sa lámhscríbhinn. Ní fios cá fhad a bhí an lámhscríbhinn aige i ndiaidh a scríofa, ach bhí sí i seilbh Philip Mhic Ardghail i dtuaisceart Cho. Mhuineacháin tuairim na bliana 1744.<sup>174</sup> Sagart paróiste Chluain Tiobrad a bhí san Ath. Mac Ardghail faoin am sin, nó bhí sé sa pharóiste sin idir 1731 agus 1744 ar a

---

<sup>169</sup> ARÉ 24P10 (96), lch 30.

<sup>170</sup> C Add. 3083 (8), lch iv.

<sup>171</sup> LN G199(1), lch 270.

<sup>172</sup> COBÁC M16. Na leathanaigh gan áireamh, ach is dóigh liom go bhfuil an nóta seo ar lch [40]. Éamonn Mhac Cába a scríobh an lámhscríbhinn seo idir na blianta 1821 agus 1828.

<sup>173</sup> LN G1304, f. [94]v.

<sup>174</sup> ‘Philip M<sup>c</sup>Ardle of Lackough in y<sup>e</sup> Parysh of Cluntubrit and County of Monaghan’, LN G1304, f. 94av. Eisean, is dócha, a rinne cuid de na suimeanna in aice leis an gcolafon ar f. 94v. Féach fosta Ó Cuív (1969-70: 145).

laghad féin.<sup>175</sup> Ghraf scríobhaí LN G1304, Conchubhar Mhag Aodha, lámhscríbhinn eile don Ath. Giolla Phádraig Ó Seibhléin, sagart eile ó dheisceart Cho. Ard Mhacha.<sup>176</sup> Tabhair faoi deara gur dúblaíodh an aidiacht shealbhach, *rém m'anmain*, sa cholafon seo, agus sa chéad sampla eile a baineadh as cóip eile de ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’ a ghraf an tAth. Cormac Mac Cuan in 1734. Sagart Caitliceach a bhí san Ath. Cormac Mac Cuan, is é lonnaithe i bparóiste Chill Shléibhe, Co. Ard Mhacha, faoin am sin,

[12] Arna sgríobhadh do chum usaide an Athar Feidhlimhe Uí Neill mac Aodha Buidhe *mhic Airt mhic Aodh Buidhe mhic Toirrdhealbhaigh mhic Eanraidh* 7 *gach* aon do leighfeas aon ní dhe, *tabhraidh beandacht rém m'anm(h)ain* 7 *mar an gcéadna dhó uaimsi* 7 *mé ar sgur da sgríobhadh an 22 la do mhí* October an bhliadhainsi d’Aois Chríost 17[3]4. Meisi Cormuc Mac Cuan.<sup>177</sup>

Sagart agus scríobhaí Gaeilge eile, Feidhlimidh Ruadh na bhfilí ó pharóiste an Chreagáin, atá sa té dár grafadh an leabhar seo.<sup>178</sup> Tharlódh sé nárbh annamh do na scríobhaithe cóipeáil a dhéanamh ar cholafoin a n-eiseamláirí, agus na sonraí a chur i bhfóirithint don chóip úr. Fágann sin, ar ndóigh, go bhféadfadh foirmilí den chineál seo a bheith ina gcuidiú dúinn, agus muid ag iarraidh pátrúin gharbha seachadta a rianú.<sup>179</sup> Léiriú eile ar an gclaonadh seo a bhí ag scríobhaithe tarraingt ar cholafoin na lámhscríbhinní a bhí á gcóipeáil acu is ea iad an dá cheann seo thíos atá in CT H.4.14 (1355), agus an dara ceann acu curtha i bhfóirithint beagán ag an scríobhaí le dul leis an ábhar a bhí á ghrafadh aige ocht mbliana i ndiaidh don phríomhscríobhaí

---

<sup>175</sup> Déantar tagairt dó i nóta 2851 thíos.

<sup>176</sup> Déanfar tagairt do na lámhscríbhinní seo arís mar chuid den phlé ar nótaí léitheoirí i gCaib. 1.3.3 (LN G1304 amháin), ach go mórmhór sa phlé a dhéantar ar lámhscríbhinní Cho. Ard Mhacha i gCaib. 1.4.1.4, áit a soláthrófar tagairtí breise.

<sup>177</sup> ARÉ 24L18 (b) (128), lch 182. Féach an cuntas ar an Ath. Cormac Mac Cuan i gCaib. 2.60 maidir leis an dáta thuas.

<sup>178</sup> Féach an cuntas ar an Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Neill i gCaib. 2.199.

<sup>179</sup> Níl aon sárú ar na téacsanna féin a chur i gcomórtas lena chéile, áfach, agus na slaodanna athruithe agus foirmeacha teanga a scrúdú go beacht, ach tá sampla amháin eile den nós seo colafoin a chóipeáil luaite agam thíos; féach Caib. 1.3, colafoin 102-104.

a chuid féin den obair a chur de. Féach go bhfuil cúpla difríocht le sonrú eatarthu chomh fada agus a bhaineann an scéal le húsáid giorrúchán.

[13] Gach duine dha léicchfidh in sdair *tucadh* luach a shaothair d<on> sccriobhneoir .i. *beannachtain ar anam* an tí rod sccriobh, Cathal Mhac Searruidh. *Anno Domini* 1685.<sup>180</sup>

[14] Gach duinne dha leicchfidh na *cearúmhnadh remhrait(h)e tucadh* luach a thsaoth<air> don sccriobhneoir .i. *beannacht ar anam* an tí rod sccriobh é .i. Tomás de: la: hÍd. *Anno Domini* 1694.<sup>181</sup>

Más fíor gur nós do na scríobhaithe déanacha cloí leis na foirmlí a luadh cheana, nó colafoin a gcuid eiseamláirí a athchóipeáil nó a athmhúnú, ní hé gur furasta ciall a bhaint astu i gcónaí. Bhí claonadh ag roinnt de na scríobhaithe a bhí gníomhach sa dara leath den 17ú hAois an réamhfhocal *le (re)* sna foirmlí ar nós ‘arna sgríobhadh le ...’ a bhabhtáil le *do*, ní a úsáidtear i lámhscríbhinní déanacha go minic le hainm an phátrúin a mharcáil. Ós rud é nach éasca comhthéacsú a dhéanamh ar pheannaireacht lámhscríbhinní na haoise sin, tharla gurb annamh breis agus lámhscríbhinn amháin an duine acu againn, fágann sin nach éasca a dhéanamh amach cé acu an scríobhaí féin atá againn, nó an pátrún dár grafadh an lámhscríbhinn, murab é go scríobhtar leithéidí ‘arna sgríobhadh do láimh ...’ mar a rinneadh sa sampla seo thíos, áit a bhfuil foirmle aisteach ‘arna sgríobhadh do láimh ... do ...’, in úsáid,

[15] Ag so Cath Mhuighe Léana *arna thionnsgnamh* an naomhadh la x do mhi October an bhliaghain d’Aois an Tighearna 1685. *Arna sgríobhadh* do laimh Phadraic Mhic Oghannan da thriath rodhearsgnaithe .i. Airtiuir Mac Airtiuir alias Brounlowe.<sup>182</sup>

---

<sup>180</sup> CT H.4.14 (1355), lch 78. Scríobhadh formhór an leabhair seo idir na blianta 1685 agus 1686, ach ní fios cá ndearnadh an scríobh.

<sup>181</sup> Lch 2.

<sup>182</sup> ARÉ 24L36 (131), lch 1.

Is mó go mór d'údar mearbhaill an t-aon cholafon a thugtar in LPBF 10, ar cóip é a hábhar de sheanleabhar de chuid thús na 17ú hAoise ar a dtugtar LN G201 anois,<sup>183</sup>

[16] Ag so leabhur Neachtain Uí Dhomhnaill *arna sgríobhadh* do Sheán Uí Bheóláin i cCollaiste na nEirionach a bParris san Fhrainc an 16 do mhí Februari Aoís Chríost 1748. Guidhe orram a léightheóir.<sup>184</sup>

An bhfuil sé le tuiscint as an méid sin gurbh é Seán Ó Beoláin an scríobhaí, nó an té dár scríobhadh an leabhar? An duine eile a luaitear, Neachtan Ó Domhnaill, bheifí ag déanamh amach ar an gcéad amharc gurbh eisean an té a thug faoi deara an saothar a chur le chéile, de réir fhoirmle an cholafoin, ach is soiléir ó ábhar na lámhscríbhinne gurbh as leabhar a bhí bainteach leis an bhfigiúr stairiúil seo a cóipeáladh eiseamláir na lámhscríbhinne seo againne. Ní dócha go mbeifí in amhras mór gurbh é Seán an scríobhaí, cibé áit ar domhan ba bhaile dúchais dó, ach is sampla measartha soiléir é seo den doiléireacht a bhíonn ag roinnt le cuid de na colafoin seo, nuair nach féidir comhthéacsú a dhéanamh trí pheannaireacht na lámhscríbhinní a chur i gcomórtas le saothair eile. Bíonn an scéal céanna i gceist leis na dátaí a thugtar corruair, tharla gurbh fhearr le scríobhaithe áirithe na dátaí scríofa a chur síos i bhfocail, nó in uimhreacha rómhánacha, agus iad ina bpraiseach ceart acu ó am go chéile.<sup>185</sup>

Déantar aithris corruair ar annálaigh na gcaointe, nuair a úsáidtear ainmneacha Gaeilge na litreacha le dáta a chumadh,

[17] Finis de sin re Tomas Ó Conchuabhair *mac* Tomais *mhic* Eogain Uí Chon[*cu*]bhair a nGreach na Ruag, 7c., an cuigeadh la deug de mhi Lunasa, 7

<sup>183</sup> Féach go bhfuil cóipeanna lochtacha den téacs *Leanam croinic Clann nDálaigh* sa dá lámhscríbhinn. Tabhair faoi deara nár bacadh leis an gcuid sin de LN G201 ina raibh ábhar leighis, cóip chaite de na *Materia Medica*, a chóipeáil isteach in LPBF 10. Is féidir, mar sin, gur cuireadh an bhlogh seo leis an gcuid de LN G201 ina bhfuil ábhar LPBF 10 lá ní b'fhaide anonn. Cibé rud é, is spéisiúil gur tharla LN G201 agus LPBF 10 i seilbh an bhailitheora chéanna, Roibeard Mac Ádhaimh.

<sup>184</sup> LPBF 10, lch 57. Cuireadh an colafon sin i gcló in Ó Buachalla (1962: 8). Tá clárleabhair an choláiste seo caillte le fada an lá anois, agus ní dócha go n-aimseofar anois iad. Mar sin, is doiligh a rá cárbh as do Sheán Ó Beoláin.

<sup>185</sup> Féach nóta 2360, ar an meancóg a rinne Peadar Dubh Ó Dálaigh in MN M105 (*a*); gheofar sampla maith de scríobhaí ag tabhairt colafon scríobhaí eile leis go contráilte (1771 in ionad 1759) in CPD 2, f. 1v.; féach an chatalóg, Ó Mórdha (1961: 181), áit a bhfuil an botún tugtha faoi deara aige. Meancóg mhór eile is ea an dáta a thug Aodh Ó Dálaigh (1792 in ionad 1752; *dhá xxxx* in áit *dhá xx*) in CT H.1.11 (1285); féach an *T.C.D. Cat.*, 24-5.

an bhliaghain de Aois an Tiaghairn Muin Duir tri Choll 7 ceire bliadhna air fhioc[h]ad, 7c., 7c.<sup>186</sup>

Ní eolas úrnua é ach oiread gur ghnách le scríobhaithe iarraidh ar an léitheoir paidir a rá lena n-anam, agus tá neart samplaí de seo sna lámhscríbhinní féin, ar féidir cúpla ceann acu a lua anseo,

[18] Guidh ris an sgríob[h]neór, Domhnall Ó Rag[h]allaigh.<sup>187</sup>

[19] Guidhidh air an sgríbhneoir a n-onóir na Trionoide Ro-Naomhtha—Aodh Mac Conainn, 1762.<sup>188</sup>

[20] Cona i sin Eachtra & Imtheacht Iollainn <A>irmdhearg & Toruídheacht Fhiacal Rígh Greag. Guidheam beannacht gach léag[h]thora don sgríbhneoir .i. Árdgháoll Ua hAnluainn. March y<sup>e</sup> 18<sup>th</sup> 1764. ... Ardell Hanlon.<sup>189</sup>

Ní hé go n-iarrtar sin orainn go béasach i gcónaí,

[21] G(h)eb(h)e dho leithbhs [sic] ann sgríobha, 7 nach díarfhá go dían beanacht don t(h)é dho sgríobh, m(h)alacht f(h)o thrar a g[h]ob. Airna sgríobha le Phillib(h) Mac Bradui(d)ghe an bhliadhann d' Aos ann T(h)ig[h]earna, 173<sup>6/7</sup>. Ann 12 lá dho m[h]ídhe na F(h)éal Brid(h)e—173<sup>6/7</sup>.<sup>190</sup>

Is minic a thagann muid ar an téarma *cléireach* agus é á úsáid in ionad *sgríbhneoir*, nó iad á malartú go saor, i lámhscríbhinní a grafadh ar an teorainn idir Co. Lú agus Co. Ard Mhacha san 18ú hAois ach go háirithe. Is as an lámhscríbhinn chéanna ina bhfuarthas an colafon roimh an gceann deiridh thuas a baineadh an dara colafon anseo,

[22] Airna sgríobhadh lé Pádrúig Úa Pronntuidh mhic Néill 7c., an 25 don mhí August an bhliaghain d' Aois an Tighearna 1761. Guidhe air an cléireach air son Dé, 7c.<sup>191</sup>

---

<sup>186</sup> COBÁC M14, lch 15.

<sup>187</sup> CT H.5.11 (1383), lch 25. Scríobhadh an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1704.

<sup>188</sup> ARÉ 23I37 (422), lch 15.

<sup>189</sup> MN M103, lch 244.

<sup>190</sup> CT N.5.12 (3397), lch 62 [f. 22v].

<sup>191</sup> ARÉ 24P7 (95), lch 84.

[23] Guidhe *air* an ccleireac[h] *air* son Dé iodhon Ardghaoill Úa hAnluainn. 1762.<sup>192</sup>

[24] Guidh *ar* an gcléireach *ar* son <D>e agus a n-onoir Muire .i. Eóighen Mhac Cadhaidh mac Pádraic mhic Alastrain(?). Scripsit per me ... 1764 ...<sup>193</sup>

Ar an taobh eile den scéal, is dóigh gur airigh Tomás Ó Conchubhair difríocht éigin brí idir an dá théarma,

[25] Guidhaim banacht don cclearaigh  $\gamma$  mur an gceadna an scriob[h]near .i. Tomas Ao Confuir,  $\gamma$ c.,  $\gamma$ c.,  $\gamma$ c.<sup>194</sup>

[26] Guighim banacht *air* an ccleirach agus mur an gceadna *an* scriobhnair .i. Toma a Confuir.<sup>195</sup>

Agus ní hé gur measadh i dtólamh nárbh ionann a rá gur *scríobhadh* ábhar agus gur *cuireadh i gcló* é; b'fhéidir go dtuigfí as an gcéad cholafon anseo gur chóip fhoirfe dheas-scríofa de dhréacht a bhí i gceist ag Pádraig Ó Cathaláin agus é ag trácht ar lámhscríbhinn a dhearthár (?),<sup>196</sup>

[27] Aig so leobhar beg do scribhadh leis an Athir Brian Ô Cathalan *arna* staidear dhó a ccathir Antwerp agus a cuiradh g[c]ló ansa ccathir reimhrate  $\gamma$ c.<sup>197</sup>

Nó féach an méid seo a scríobhadh os cionn dáin i lámhscríbhinn a grafadh san 18ú hAois,

[28] Guid Fhionn  $\gamma$  Duaighain *arna* cur gcló ... le Seamuis Mhac Ciarnainn.<sup>198</sup>

---

<sup>192</sup> MN M103, lch 181.

<sup>193</sup> CM L11 (b), leabhrán 2, lch 24 [= lch 101].

<sup>194</sup> COBÁC M14, lch 100. Grafadh an lámhscríbhinn bheag seo idir na blianta 1820 agus 1824 i nGréach na Ruag, Co. Mhuineacháin.

<sup>195</sup> COBÁC M14, lch 112 [*recte* 111].

<sup>196</sup> Féach na cuntais a tugadh orthu i gCaib. 2.123, 2.126.

<sup>197</sup> COBÁC A39 (a), lch 380. Lámhscríbhinn théagartha thrítheangach (Gaeilge, Béarla, agus Laidin) atá inti, lenar chuir triúr scríobhaithe eile, Pádraig Ó Cathaláin, Nioclás Mac Síomóin, agus Séamus Ó Dúiche, ábhar breise, agus an scéal amuigh uirthi gur grafadh codanna di in Antwerp, áit a raibh an tAth. Brian Ó Cathaláin ina mhac-chléireach. Scríobh Pádraig Ó Cathaláin an giota seo.

<sup>198</sup> ARÉ 23A25 (628), lch 358a. Séamus Mhac Thighearnáin a scríobh, 1780.

Luadh cheana gur nós leis na scríobhaithe a thabhairt le fios gur thug pátrún éigin faoi deara an lámhscríbhinn a chur le chéile, trí ‘... do Z’ nó ‘... do chum úsáide Z’ a chur leis an bhfoirmle a luadh cheana, ach níor cloíodh leis an leagan amach sin i gcónaí, agus bíonn idir bhrollaigh fhoirmeálta agus nótaí beaga pearsanta sna lámhscríbhinní mar eolas againn ar na pátrúin a bhíodh ag díol astu,

- [29] Ag so leabhar chSeaain mhic Emuinn Óig Ui Dhonnghaile arna sgríobhadh re hAirt mac Rudhruidhe Ui Neill an bhliadhuin d’Aois Chríod — MDCC. (1.2) 1700.<sup>199</sup>
- [30] Ag sin duit Aodh Í C[h]aiside gluais aphorisimorum arna sgríobhadh an bhliaghuisi d’Aois ar tTigh[ear]na Íosa Críod míle agus sé chead cuig deag agus trí fhiothad. *Acht iarruim* mur athchuingidh ar gach áon chiodhufus no leidhfeas an leabhursa beannacht do t[h]abhairt ré hanmuin in tí ro sgríobh é .i. Énri O Caiside, ría mbás no íar mbás. Finis Ipsa Sanitas 1675.<sup>200</sup>

Féach fosta go ndeir cuid de na scríobhaithe linn gur dóibh féin atá siad ag scríobh,

- [31] Aig sin *Achtrad[h]* 7 *Imtheacht* na Clonne sin Rig[h] Gréag mair do fuair mise é. *Airna sgríobhadh* le Artúr O Cléirceán c[h]um ’usaidthe.<sup>201</sup>
- [32] Do leabhraibh *Magnuis* Ui D[h]omhnaill .i. an sagart, mé.<sup>202</sup>
- [33] Aig so leabhair Thomais Ui C[h]onfuir.<sup>203</sup>

De réir mar a théann muid isteach sa 19ú hAois, tosaíonn cuid de na scríobhaithe ar a gcuid colaíon a scríobh i mBéarla, nó sa dá theanga, fiú, agus is minic is teirce iad ná na cinn Ghaeilge a bhí coitianta sna lámhscríbhinní go dtí sin. Braitear an ghontacht chéanna ar chuid de na colaíon dhéanacha Gaeilge fosta,

- [34] Finit don meid s(h)in. John M<sup>c</sup>Cormick.<sup>204</sup>

---

<sup>199</sup> ARÉ 24P24 (1073), lch 6.

<sup>200</sup> ARÉ E.iv.2 (995), lch 65.

<sup>201</sup> ARÉ 23A25 (628), lch 180. Gan dáta.

<sup>202</sup> ARÉ 23M3 (331), lch 116 [lch 118 ó cheart].

<sup>203</sup> COBÁC M14, lch 51.

<sup>204</sup> MN C73 (e), lch 22.

- [35] Wrote by Thomas Durnin, Drogheda, 18<sup>th</sup> Feb<sup>y</sup> 1802.<sup>205</sup>
- [36] Finis, January 21<sup>st</sup> 1808, by Edw<sup>d</sup> Carolan, Dundalk.<sup>206</sup>
- [37] *Ar ann [sic] sraobha an cathraimh la déag do Mhí an Abreal do Aoís an [T]eag[h]arna mile 7 ocht ccéad agus deich mbleaghan. Wrote by Michael Bennett, 14<sup>th</sup> [da]y of April 1810 ...*<sup>207</sup>
- [38] P(h)adrig a Frielldh *ar* 26 don Lunasa 1811.<sup>208</sup>

Áitítear ó am go chéile gur léiriú eile é seo ar an dóigh a raibh an Béarla ag dul i dtreise go coiteann sna blianta sin, go dtagann meath ar úsáid na Gaeilge laistigh de réimse na lámhscríbhinní traidisiúnta, fiú. Nuair a thosaigh cuid mhaith de na scríobhaithe deiridh, mar a mheabhraíonn Ó Muirgheasa (1916: iv) dúinn, ar ábhar beathaisnéise na bhfilí nó ar nótaí mínithe a chur le dánta, srl., ar a scáth úd a thugtar in *Irish Minstrelsy* Shéamuis Uí Ardagáin (c.1782-1856), ba i mBéarla amháin a scríobhadh iad.<sup>209</sup> Is fiú cuimhneamh air, áfach, nach doiligh teacht ar théacsanna Laidine agus Béarla i gcuid mhaith de na lámhscríbhinní atá againn ón gcuid deiridh den 17ú hAois, ar mó de leabhair choiteanna thrítheangacha atá iontu ná lámhscríbhinní traidisiúnta; agus go léiríonn scríobhaithe na 18ú hAoise, iad siúd go fiú a shaothraigh na lámhscríbhinní is coimeádaí ó thaobh úsáid teangacha ‘eachtrannacha’ de, cumas áirithe sa Bhéarla. Is éard a thuigfí as na lámhscríbhinní a grafadh ag deireadh na haoise seo agus sa 19ú hAois, ar an móróir, gur mhinice na scríobhaithe ar a socracht agus iad ag scríobh Béarla, agus is gnách gur fearr go mór

<sup>205</sup> OB B26(3).

<sup>206</sup> ARÉ 24P7 (95), lch 262.

<sup>207</sup> COFLA D3 (a), lch 26.

<sup>208</sup> SPB 1, lch 26. Pádraig Ó Faircheallaigh a scríobh.

<sup>209</sup> Lámhscríbhinní Pheadair Uí Ghealacáin, Niocláis Uí Chearnaigh, Airt Mhic Bhionaid agus Aodha Mhic Dhomhnaill [2] mar theist dhoshéanta air sin, ceathrar a chum téacsanna Gaeilge, agus a d’fhág againn ina gcuid lámhscríbhinní iad. Is dócha go raibh páirt nár bheag ag saothair O’Reilly agus Uí Ardagáin sa scéal, mar aon le hábhar beathaisnéise eile, a bhí ina eiseamláir stíle ar chuid mhaith dár scríobh siad.



a gcumas litrithe sa teanga sin, agus iad ag druidim ón nGaeilge a scríobh as a stuaim féin.

### **1.2.2. Páipéar, Dúch agus Eiseamláirí**

D'fhág an t-athrú a tháinig ar chúrsaí lámhscríbhinní sa 16ú hAois agus sa 17ú hAois a shliocht ní hamháin ar a n-ábhar liteartha ach ar na hábhair lenar grafadh iad; bhí borradh éigin faoina leagan amach le fada an lá. Bhí páipéar tar éis áit an mheamraim a ghlacadh de réir a chéile ó dheireadh na 16ú hAoise ar aghaidh, ní a bhí curtha i gcrích faoi lár na haoise ina dhiaidh sin a bheag nó a mhór, sa dóigh gurb í an t-aon lámhscríbhinn mheamraim Nua-Ghaeilge de chuid an cheantair a tháinig anuas chugainn an *palimpsest* a líon Séarlas Ó Luinín le ginealaigh ag tús na 18ú hAoise.<sup>210</sup> Cé go bhfuil cúpla sampla de lámhscríbhinní déanacha a grafadh ar pháipéar in dhá cholún,<sup>211</sup> bhíothas ag druidim ón leagan amach sin chomh fada siar le lár na 16ú hAoise fosta i gcás na leabhar mór go fiú, agus bhí sé mar thoradh nádúrtha ar laghdú thoirt na lámhscríbhinní féin i dtréimhse na Nua-Ghaeilge gurbh in aon cholún amháin a scríobhfaí an t-ábhar feasta, ach amháin sa chás go raibh ginealaigh i gceist. Ón mbliain 1700 ar aghaidh, is beag lámhscríbhinn, taobh amuigh de chúpla leabhar a chóipeáil scríobhaithe gairimiúla,<sup>212</sup> ar mó a toirt ná 8" x 6", agus is féidir teacht ar leabhair urnaithe nach bhfuil ach cúig horlaí ar fad agus trí

---

<sup>210</sup> ARÉ 23E18 (997). 1712 dáta a scríofa. Ábhar leighis a bhí sa bhunlámhscríbhinn. Tá corrsamplaí de lámhscríbhinní meamraim ón 18ú hAois againn, lámhscríbhinn de chuid na bliana 1711 a ghráf Mícheál Ó Longáin (féach Ní Úrdail 2000: 24 n.39), agus an ginealach (ARÉ D.i.1(8) (1237)) a scríobh Mícheál Ó Broin i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1729. Cóip thaispeántais atá i gceist anseo; agus féach go bhfuil nóta ag Aodh Ó Dálaigh, fear tiomsaithe ginealach eile ó Bhaile Átha Cliath, in CT H.5.19(8) (1391), lgh 43-5, go raibh an ginealach a scríobh sé 'to be engrossed in vellum'.

<sup>211</sup> Féach ARÉ A.iii.2 (735), ar scríobh Conchubhar Ó Luinín [1] cuid di sa bhliain 1693, agus Énrí Ó Caiside (*q.v.*) an chuid eile.

<sup>212</sup> Léitheidí Airt Uí Néill—scríobhaí ARÉ 24P24 (1073), atá tuairim is 12" ar fad agus 7½" ar leithead—nó Philip Uí Chiarbhalláin, MN B7 (≈ 12" x 7½"), atá i gceist go mór agam, ach tá samplaí de leabhair mhóra i measc ghnáthlámhscríbhinní na 18ú hAoise fosta, m.sh. MN M103 (≈ 12" x 7").

horlaí go leith ar leithead.<sup>213</sup> Is gnáiche go mór leabhairíní beaga ó na contaetha bochta, agus iad scríofa ar a leithead lena mhéad ábhair a chur iontu agus ab fhéidir: leabhair phóca atá i bhformhór na lámhscríbhinní atá againn ó Cho. Mhuineacháin a scríobhadh ón dara leath den 18ú hAois ar aghaidh, ar nós ARÉ 23I37 (422), COBÁC A39, agus COBÁC M13, mar shampla. Dhealródh sé nach raibh páipéar chomh gann nó daor sa 19ú hAois is a bhí san aois roimhe sin.

Tá deireadh le maisiú gairmiúil ornáideach na seanlámhscríbhinní fosta faoin am seo, na sean-cheannlitreacha míolchruthacha go mórmhór,<sup>214</sup> cé gur thriail cuid de na scríobhaithe ceannlitreacha garbha a tharraingt ar a scáth. Féach, ach go háirithe, an chuid de CT H.6.8 (1412) atá i láimh Labhráis Uí Arann. I measc na n-iarrachtaí sin, thig linn ceannlitreacha CT N.5.12 (3397) a áireamh, ceannlitreacha a bhfuil cruth capaill nó nathair nimhe orthu, srl.<sup>215</sup> Bíonn pictiúirí d'ainmhithe eile sna lámhscríbhinní—féach na créatúir mhara in CT H.6.12(3) (1416), mar shampla, lámhscríbhinn le Pádraig Ó hEithir, 1785.<sup>216</sup> Ach ní hionann iad agus na cinn a tharraingítí sna seanleabhair,<sup>217</sup> agus is minice a fheiceann muid pictiúirí ilghnéitheacha iontu gan bhaint acu leis an ábhar féin—cleite i lámhscríbhinn Eoin Uí Fhionnagáin (1821-4);<sup>218</sup> cloigne agus píopaí ina mbéal, maille le léaráidí neamhghnácha eile in ÓR 5 (1755);<sup>219</sup> dhá láimh ag fáil greim ar a chéile i lámhscríbhinn Sheáin Mhic Mhaghnuis (175[3]);<sup>220</sup> ceann agus guailí mná agus

---

<sup>213</sup> Agus cúpla lámhscríbhinn nach leabhair urnaithe iad, m.sh. ARÉ 24P31(2) (1075). Peadar Dubh Ó Dálaigh a scríobh.

<sup>214</sup> Tá deireadh le cuid de na seantréithe cáiliúla eile ar nós *manicula*, srl., faoin am seo.

<sup>215</sup> Féach CT N.5.12 (3397), lgh 50, 83, 86, lgh eile gan uimh. [= ff. 14v, 31, 32v, 95v, 100, 101v], srl. Pilib Mac Brádaigh a ghráf an lámhscríbhinn.

<sup>216</sup> Chaith sé a dhúthracht le maisiú na lámhscríbhinne; féach na pictiúirí ag deireadh na rann ar lch 58.

<sup>217</sup> Is doiligh iad a shamhlú leis na ceannlitreacha a chuirfí le lámhscríbhinní a grafadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche go fiú. Féach, mar shampla, na ceannlitreacha in *Duanaire Con Chonnacht Mhéig Uidhir* (16ú hAois) ar a ndearna Ó Macháin (2016) plé, agus nóta 224 thíos.

<sup>218</sup> ARÉ 23O79 (1388), lch 87.

<sup>219</sup> ÓR 5, lgh 1, 6, 50, 124, 161. Daniell Mac Cloye a scríobh.

<sup>220</sup> CT H.6.26 (1714), lch 29. Scríobhadh an leabhar seo sa bhliain 175[3].

pictiúr de bhean is cóirséad uirthi i lámhscríbhinn le hÉadbhard Ó hEachaidh;<sup>221</sup>  
ridire agus capall in iarracht luath de chuid Shilbheastair Mhic Gibne (1811-25).

Tharraing beirt de na scríobhaithe, Silbheastar Mhac Gibne agus Nioclás Ó

Cearnaigh, pictiúirí díobh féin.<sup>222</sup>

Chloígh na scríobhaithe leis na seanmhúnlaí a bhí leagtha amach le fada an lá i

gcúrsaí leagan amach agus údarhachta, srl., ach thosaigh neart tréithe eile ag teacht

chun tosaigh de réir a chéile. Baineadh an-úsáid as teidil reatha ó c.1680 ar aghaidh,

le saothair phróis ach go háirithe, ar scáth leabhar clóite (Gaeilge agus eile). Deirtear

gur spreag siad cuid mhaith de na maisiúcháin a fhaigheann muid sna lámhscríbhinní

déanacha, ar nós eireaballán, srl., ceannlitrithe maisithe boscáilte,<sup>223</sup> litreacha

Cadel,<sup>224</sup> agus maisiúcháin a bunaíodh ar ghreantaí adhmaid na saothar Caitliceach a

thosaigh a thaomadh isteach ón Mór-Roinn go luath sa 17ú hAois, agus ar shaothair

fhoilsithe eile.<sup>225</sup> Maítear go raibh *Parrthas an Anma* (1645) thar a bheith

tábhachtach sa dóigh seo, *B.M. Cat.*, ii, 588;<sup>226</sup> féach an méid sin cóipeanna de agus

de *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* a chuir muintir Longáin uathu (Ní Úrdail

2000: 212-13). Ó thaobh uimhriú na leathanach de, ríomhtar an dá thaobh den

---

<sup>221</sup> LPBF 26, lgh 64-5.

<sup>222</sup> COBÁC A40 (b), lch 111 (féach go bhfuil an focal ‘I’ ag teacht as a bhéal); COBÁC M6, na leathanaigh gan áireamh. Féach gur shínigh Nioclás Ó Cearnaigh a ainm faoin bpictiúr.

<sup>223</sup> Tá samplaí díobh seo i lámhscríbhinní a grafadh chomh fada siar leis an dara leath den 16ú hAois; féach KBC NKS268b, *Duanaire Con Chonnacht Mhéig Uidhir* a cuireadh le chéile do Chú Chonnacht Mag Uidhir (ob.1589); an tuairisc a scríobhadh ar mhaisiúcháin an duanaire seo in Ó Macháin (2016); agus LN G14, an chuid di a scríobhadh sa bhliain 1574. Tá eagrán iomlán de *Duanaire Con Chonnacht Mhéig Uidhir* in Greene (1972).

<sup>224</sup> Féach LN G1423, lámhscríbhinn a ghráf Aodh Mhac Cába (1801), agus an colafon in CM L16(1), lch 173, ina luaitear an pátrún. Féach fosta Ó Macháin (2016: 116-17), agus pláta I, áit a bhfaighfear sampla de litir den sórt seo in KBC NKS268b (16ú hAois).

<sup>225</sup> Gheofar samplaí breátha de thionchar na ngreantaí adhmaid seo in COFLA MF14, lámhscríbhinn le Séamus Mac Giolla Ruaidh. Bhí maisiúcháin den sórt seo ar lámhscríbhinn eile dá chuid atá cailte anois; déantar tagairt di i nóta 1673.

Ar ndóigh, ní féidir a mhaíomh gur i dtuilleamaí ar leabhair chlóite a bhí na scríobhaithe amach is amach; tá neart samplaí de mhaisiú treallach sna lámhscríbhinní nach féidir, óna nádúr, a thabhairt faoi riail.

<sup>226</sup> Féach an liosta cóipeanna a thugtar in Ó Fachtna (1953: xviii n.1). Déantar plé ar chló Lobháin in Ó Maonaigh (1952: xxxii-xliv).

duilleog, mar ba ghnách riamh, go leanúnach ó thús deireadh na lámhscríbhíne,<sup>227</sup> cé go raibh claonadh neamhghnách ag cuid de na scríobhaithe a bhí ag saothrú in Oiriaila san 18ú hAois sraith nua uimhreacha (de réir leathanach) a thosú ag tús gach téacs.<sup>228</sup> Tréith choitanta eile is ea an colafon triantánach, san 18ú hAois ach go háirithe,<sup>229</sup> cé go ndéantar praiseach dá chruth go minic.<sup>230</sup>

Tharraing Ní Úrdail (2000: 170-6) aird ar an réimse teideal a thugadh scríobhaithe an Deiscirt, muintir Longáin ach go háirithe, dá gcuid lámhscríbhíne, *Gadaidhe Géar na Geamhoidhche, Bláithfhleasg na Milseán*, srl., ach is ar éigean a théann scríobhaithe an cheantair seo níos faide ná ‘Bolg an tSoláir’,<sup>231</sup> teideal a bhí á bhaisteadh ar lámhscríbhíne an Tuaiscirt ó am go chéile chomh fada siar leis an mbliain 1705,<sup>232</sup> beidh an léitheoir eolach cheana féin ar an rann gairid seo a ghabhann le cuid mhór de na lámhscríbhíne ar ar baisteadh an teideal seo,

[39] Bolg a’ tSolair m’ai[n]m gan ghó,  
a chléirigh chóir guidh go géar;

---

<sup>227</sup> Déantar ó am go chéile na leathanaigh a áireamh le litreacha rómhánacha, ach is gnách nach ndéantar seo ach i gcás brollaigh nó réamhrá le saothar mór, díonbhrollach ‘Foras Feasa air Éirinn’, srl., tréith eile a bhfuil tionchar an chló freagrach aisti, is dóigh. Eisceacht amháin leis seo is ea COBÁC A40, cnuasach de lámhscríbhíne beaga a ghráf Silbheastar Mhac Gibne idir na blianta [1811] agus 1825, ach is lámhscríbhíne eisceachtúil í ar go leor slite.

<sup>228</sup> Tréith a bhaineann go mór leis na lámhscríbhíne a cuireadh le chéile thart faoi lár na 18ú hAoise ar an teorainn idir Co. Lú agus Co. Ard Mhacha. Féach go bhfuil uimhriú ar leith ar an dá raimh de ‘Eachtra na gCuradh’ atá ar caomhnú in MN B1, nó an dá leabhar de ‘Foras Feasa air Éirinn’ i gcuid mhaith lámhscríbhíne eile. Uaireanta eile, tchíonn muid an nós céanna i gcás scéalta rómánsaíochta nó filíochta, CM L7(3-5) agus, go mórmhór, CM L11 (b), ach bheadh gá le sainstaidéar ar chruinnithe [sa bhrí: *gatherings*] na lámhscríbhíne seo, agus a leithéid eile sula mbeifí in ann a bheith deimhnitheach nach giotaí de lámhscríbhíne ar leith iad a chuir iarshealbhoirí i gceangal lena chéile ina dhiaidh sin; féach nóta 1285 thíos.

<sup>229</sup> Féach LN G231, MN B1, CM L11 (b), srl., srl.

<sup>230</sup> Féach fosta an colafon uilleannach triantánach in ÓR 5, a ghráf Daniell Mac Cloye (*al. Fullerton*) sa bhliain 1755.

<sup>231</sup> ‘Bolg an tSoláthair’ ó cheart, ach is é seo an litriú is mó úsáid i lámhscríbhíne Ultacha, gan dearmad a dhéanamh don iris Ghaeilge a foilsíodh i mBéal Feirste sa bhliain 1795 a raibh lámh ag Pádraig Ó Loingsigh (*q.v.*) inti; agus is fearr le mórán scríobhaithe de chuid na Mumhan leaganacha ar nós ‘Bolg an tSlathair’.

Eisceacht amháin leis seo is ea *Leabhar na gCath*, teideal a bhaist Nioclás Ó Cearnaigh ar ARÉ 23E4 (524) sa bhliain 1847, ach ba dhuine idir scríobhaí agus scoláire é Nioclás, ar ndóigh; féach Ní Úrdail (2000: 152-3 *n.6*), mar a bhfaighfear míniú air seo.

<sup>232</sup> LB Eg. 170 (a), an chuid di a scríobh Séamus Biatach (*q.v.*). Tá sé ina theideal reatha ar an lámhscríbhíne, agus cúpla litriú air, ‘Bol(a)g an(n) tSollaer’.

an scríbhneoir a bheith gan bhrón:  
is é 'dul fa ró go Flaithios De.<sup>233</sup>

Uaireanta eile, ní thugtar aon aird ar an leagan amach, go dteipeann ar na scríobhaithe idirdhealú a dhéanamh idir téacsanna, nó scríobhann siad dánta ionann is gur saothair phróis iad.<sup>234</sup>

### **1.2.2.1. Dúch agus Páipéar**

Is mór idir na dúigh a d'úsáideadh na scríobhaithe ó thaobh a gcaighdeáin, agus, mar gheall air sin, ó thaobh datha anois sa dóigh go mbíonn réimse dathanna ó chiardhubh<sup>235</sup> go humbar orthu, agus tá ceann nó dhó acu ar lí oráiste anois.<sup>236</sup> Ní doiligh teacht ar lámhscríbhinní ina bhfuil an dúch chomh tréigthe sin gur ar éigean is féidir an t-ábhar a dhéanamh amach gan dua, ach tá dea-bhail ar mhórán eile acu, agus b'fhéidir go ndéanfaí iontas de na sainearraí a bhí á n-úsáid ag togha na scríobhaithe lena gcuid dúigh a mheascadh. Tá againn go fóill, ar ámharaí an tsoil, cnuasach beag d'oidis<sup>237</sup> a chuir Muiris Ó Gormáin le chéile in Oiriaila thart faoi lár na 18ú hAoise, agus cuid acu bailithe aige ó scríobhaithe maithe ar nós Phádraig Uí Phronntaigh ó Cho. Lú, agus Eoin Uí Mhearráin ón dúiche thart faoi Charraig Mhachaire Rois. Tugtar iad ina n-iomláine anseo,

---

<sup>233</sup> ARÉ 24P20(2) (1072), lch 151. Ghráf Peadar Ó Gealacháin an chuid seo sa bhliain 1824.

<sup>234</sup> Féach (faoi seach): (1) CM L3 (a), áit nach ndéalaítear 'Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe' agus 'Oidhe Chloinne hUisneach' óna chéile; agus (2) an chóip de 'Cáineadh Whaley' atá scríofa mar a bheadh prós ann in CT H.6.26 (1714). Cuireann Seán Mac Maghnúis, an scríobhaí, leathstadanna idir na línte lena ndéanamh soiléir óna chéile.

<sup>235</sup> Tá an dúch i gcuid de na lámhscríbhinní a ghráf Muiris chomh sofheicthe inniu agus an lá ar scríobhadh iad.

<sup>236</sup> Féach na codanna de COBÁC C8 a scríobh Seorsa Mhac Conraoi: tá an dúch tréigthe go mór, agus ar dhath oráiste anois. Scríobhadh an chuid seo den lámhscríbhinn sa bhliain 1773, agus is soiléire go mór príomhchuid na lámhscríbhinne; tharlódh sé gurbh fhearr an dúch lenar scríobhadh í. Tá an dá chuid seo lena chéile chomh fada siar leis an 18ú hAois; féach an cuntas ar an scríobhaí i gCaib. 2.57 thíos.

<sup>237</sup> Fuarthas na hoidis seo in LB Eg. 210, ar comhleabhar í a chuir Séamus Ó hArdagáin le chéile, déarfainn. Tá formhór an leabhair, mar atá sí anois, i láimh Mhíchíl Uí Longáin, duine de na scríobhaithe cáiliúla úd ó Cho. Chorcaí, ach is soiléir gurbh é Muiris Ó Gormáin a scríobh na duilleoga deiridh seo, agus go ndearna sé sin le linn dó a bheith i gCo. Mhuineacháin. Tagann, mar is soiléir ón tagairt a dhéantar do Phádraig Ó Pronntaigh iontu, cuid de na hoidis ó thuaisceart Cho. Lú.

M<sup>r</sup> Patt: Pronty's Receipt for making Ink

Take a quart of Wort well boiled and mix it with a quarter of a pound of Galls well pounded, and let them lye in the wort for 24 hours or more, then strain of [*sic*] the Galls very clean and take 2 ounces of Copperas, a pennyworth of Gum Araback, and a small quantity of double refined sugar, all which you put into the Liquor. Then after said Ingredients are dissolved you may bottle it up.

The same by M<sup>r</sup> Pronty

Take a quarter of a pound of Gauls well pounded, 2 ounces of Copperas, a pennyworth of Gum Araback, and a quantity of double refined Sugar, let your Galls steep for the Space of 24 hours or more as time *permits* in a quart of Wort well sodden or boyled, afterwards strain off the Galls very clean, and mix your Juice with the above mentioned Ingredients and then bottle it up for use.

To make good black Ink

Take 4 ounces of Galls, a quart of rainwater, half an ounce Gum Araback, a small quantity of Copperas, 2 ounces double refined Sugar, a Drahm roman vitriol, Set all these Ingredients near a fire stirring, or shaking it often, for at least 6 days, after which time you may use it. *Probatum est.*

Mr John Merran ffarrier his Receipt for making Ink

Take a quart of Alewort, a pennyworth of Gum Araback twopence worth of Galls, a pennyworth of loaf Sugar, half a naggan of good aquæ vitæ, and a little Coperas—Boyle the liquor untill y<sup>e</sup> one half be consumed, then add the Gum, whiskey and Sugar to it and lay it up for use &c

Directions to make Ink

Take half a pound of best blew Galls, and break them, put them into about 5 pints of water, let them lye in steep 8, or 10 days, then take them out and put them into a coarse cloath and strain them with the same water, then put about a pint more water on the Galls, which will be about 3 quarts in all, put into it two pennyworth best Gum Araback, & keep it stirring about 2 or 3 hours, put 2 ounces of Copperas in with your Gum, then it will be fit to use. *Probatuus(?) est.*

Take a quart of Wort well boyled, and mix it w<sup>th</sup> a quarter of a pound of Galls well pounded, and let them lye in the Wort for 24 hours or more, then strain off the Galls very clean and take 2 ounces of Copperas, a pennyworth of Gum Araback, and a small quantity of double refined Sugar, all which you put into the liquor, then after said Ingredients are disolved you may bottle it up for use. &c

An Excellent way to make a little Ink for one mans use  
Take alewort, not strong, one quart, nut Galls four ounces beaten small, and  
Copperas two ounces beaten, mix them and sett them in the sunshine for  
several days, often stirring them together, the Ink being good strain and put it  
in a bottle, then put to it a quarter of a pint of good white wine Vinegar  
wherein you have dissolved one ounce of Gum araback. Shake them well  
together twice a day for three days, but when you take out any Ink for use  
never shake your Bottle, nor at any other time.

#### How to make red Ink

Boil a pennyworth of the rasping of brazeel-wood in Urine(?) untill y<sup>e</sup> water  
is red, then put to it a pennyworth of Chockineel(?) beaten and let it boil  
awhile, lastly add a little alom & strain it. Note but red Ink, for ordinary use,  
may be made by disolving a little Gum in water puting a little red Lead to it,  
and put some into an Inkhorn with Cotton. Note also you may make Ink of  
any colour with Gum water with the colours mentioned in this book.

#### The following Receipt was taken from M<sup>rs</sup> Evatts book

One quart of rainwater, one ounce of green Coperas, 4 ounces of Galls, one  
ounce of Gum Araback, the bigness of a small nut of allom, and half as much  
of roman vitriol, one pennyworth of white sugar Candy—The gum must not  
be put in till the other Ingredients have been in 4, or 5 days, and the bottle  
must be shaked every day. N:B. This is an excellent Receipt.

#### How to make red Ink

Take 2 quarts of sower Ale, 2 ounces of Brazell grounded very fine, a  
pennyworth of allom, put together into a brass skillet, let it be very clean,  
boyl altogether untill it comes to 3 pints, then strain it through a clean cloath.

#### How to make yellow Ink

Take 6 pennyworth of Gumbuge, steep it in near half a pint of water for 3  
days, then beat a yolk of an Egg, and part of the white, put them together, and  
stir it about a quarter of an hour, then will it be fit for use. [T]he best way to  
use it is with a fine hair brush called a pencil, this being purely for the  
ornament of Shading pictures.

#### For a quart of Ink

Take twopence worth of Galls, a sufficient quantity of Coperas, boyl them in  
3 pints of running water untill the third part is consumed, add thereto a  
halfpenny worth of vitriol roman half an oz. Gum Araback.<sup>238</sup>

---

<sup>238</sup> LB Eg. 210, ff. 67v.-69. Níor ceartaíodh litrithe na lámhscríbhíne thuas.

Ní hannamh a chluintear scríobhaithe ag gearán faoin dúch a bhí acu sa 17ú hAois. Sa bhliain 1648, scríobh Mac Con Ó Domhnaill, arbh as Co. Dhún na nGall dó, is dócha, gur ghraf sé C Add. 3084 (9) ‘do fein le droch dhub’,<sup>239</sup> agus is soiléir ó na samplaí eile thíos go raibh an fhadhb chéanna ag mórán scríobhaithe eile, ní a d’fhág an chéad ghlúin eile i ngleic le cóipeanna doléite.<sup>240</sup> Cibé rud é, is soiléir ón méid thuas nach bhfuil bunús ach oiread leis na scéalta a bhíonn amuigh ar scríobhaithe déanacha gur úsáid siad úsc plandaí agus fréamhacha agus ábhair nádúrtha eile lena gcuid dúigh a dhéanamh san 18ú hAois, agus léiríonn na hoidis dúigh a d’fhág Peadar Ó Gealacháin againn gurbh ionann an scéal sa 19ú hAois.<sup>241</sup> Is féidir go raibh pinn mhiotail in úsáid ag cuid de na scríobhaithe déanacha fosta,<sup>242</sup> cé go bhfuil an chuma ar chuid mhaith de na lámhscríbhinní gur scríobhadh le cleití iad,<sup>243</sup> díreach mar a bheifí ag súil leis, agus is gnáiche go ndéantar tagairt do chleití sna lámhscríbhinní. Féach an rann beag seo a chóipeáil Peadar Ó Gealacháin as lámhscríbhinn a fuair sé i gnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh, lámhscríbhinn a ghraf Matha Mac Giolla i gCo. an Dúin, b’fhéidir, sa bhliain 1748,

[40] *A Writer reproving his Pen or Quill,*  
 A chleite an ghé ríabhaidh  
 nach ngabhann ríaghail úaimse,  
 ma bhíonn mo litir gránda  
 fuigfíod do chnámha súaite.

Freagra an Chleite.

Na bí rotheann orm  
 a fhir nach áluinn litir;

<sup>239</sup> de Brún & Herbert (1986: 15 col. a).

<sup>240</sup> Féach colafon 45 thíos.

<sup>241</sup> Féach Cooney (2014: 376). Tá sraith cóipeanna d’oidis eile as leabhar nó tráchtas Béarla éigin a bhí dírithe ar lucht tarraingte mapaí, déarfainn, in LN G132. Tadhg Ó Neachtain a scríobh iad.

<sup>242</sup> Más fíor do Mhac Lochlainn (1958: 235), agus LPH 12079M i dtrácht aige.

<sup>243</sup> Féach Caib. 1.1.2 thuas, mar ar luadh go bhfuil pictiúr de pheann cleite i lámhscríbhinn a grafadh idir na blianta 1821 agus 1824.



's muna mbéinnse faoi ghlas do mhercy  
*badh* chleite gléasda mise.<sup>244</sup>

Féach fosta an dán gearr seo, ‘Iomarbhágh an Chléirigh agus an Phinn’, a fuarthas i lámhscríbhinn le Labhrás Mhac Con Allaidh, agus dhealródh sé go raibh an dá théarma *cleite* agus *peann(a)*<sup>245</sup> inmhalartaithe lena chéile, dar leo—ní nach ionadh,

[41] Imeirbhídh idir a’ Cléireach ’s a Pheann  
Cionnus sin a phinn  
fionntar linn dhá locht;  
an bhfódhann tú mur ghléas  
no an bhfuil féidhim ort?

Ní mise *nach bhfuil gléasta*  
's gur mé an *fear* is géire gob  
*acht tusa* a ghiolla na mbréag  
*nach* sgriobhann Amén beag.<sup>246</sup>

An port céanna ag Peadar sa nóta fada a chuir sé lena *Réimchnuasacht* (1841-4),

[42] And what a vast quantity of ink and pens have been used in the work, together with the price of candles in the winter season. Therefore, to value all the labour attending it, [it] has been truly & correctly estimated that this Manuscript is lawfully & honestly worth 5£ ster<sup>l</sup> ...<sup>247</sup>

Níor mhiste cuid de na gearáin a dhéanann na scríobhaithe a leagan amach: ba é Pádraig Gruamdha Ó Siadhail ó Uíbh Eachach, Co. an Dúin, a scríobh an chéad nóta acu seo agus é as baile, agus gan teacht aige ar ghuma arabach, dealraíonn sé,

[43] As maith ata fuil an mhil m[h]uighe mur dhubh aguinn, 18 Augusti 1657.<sup>248</sup>

[44] Is olc mo dhubh, 7 ní b[h]fuil riachtnais um chomhghar ar M[h]ullach an Sleibhte O mBarr [ ? recte Ó mBairche ] a Laignibh. July 18<sup>th</sup> 1698.<sup>249</sup>

<sup>244</sup> ARÉ 3B38 (251), lch 96. Tá an méid seo thíos faoin dán, ‘This was copy<sup>d</sup> out of a MS. whose Date was 1748, i.e. = 103 yrs ago’. Féach Aguisín 15 thíos maidir leis an dáta seo, tharla gur scríobhadh an chóip seo idir na blianta 1853 agus 1854, más fíor do na colafoin. As C Add. 3085 (b) (10) le Matha Mac Giolla a baineadh an t-ábhar.

<sup>245</sup> An litriú a úsáidtear i gcúpla áit, m.sh. ARÉ I.v.1 (e) (745), f. 11a.

<sup>246</sup> ARÉ 23K24 (59), lch 188b.

<sup>247</sup> DE Gen. 43D, lch 698. I gcló in Morris (1928a: 172).

<sup>248</sup> ARÉ 23K42 (447), lch 126. I gcló cheana in de Bhulf (1927: 229) agus san *R.I.A. Cat.*, 1190.

<sup>249</sup> ARÉ 24P28 (130), lch 140. Maidir leis an gceartúchán, féach Ní Shéaghdha (1942: xxiii n.1).

[45] Tabhair beannochd ré hanam an té scríobh an dánsa .i. Donnchadh Mhac á Chléiri, agus fós re hanam an fhir a chuir an leabharsa chugam as Droighid Áth' .i. an tAthair Brían Mhac Éanróidh, c[h]um an mead a bhí do sheansgríbhinn Ghaoidheilg agam a núadhtharruing; agus fúair me saothar mor leis, oir do bhí se corr agas céad bliaghan ón am *ar* scríobhadh é go nuige 'nuis .i. an t-ochdmha lá fíochatt do mhí October 1757, agas é sgríobhtha ré drochdhubhach 'réir mur aidbhis an t-údar féin. Aig so síos a bhriathradh .i. 'Gíodh olc an litir sin thúas anois féin, ní dóigh leam go mairfí sí go búan, dubhuisge ata ann: páirt do g[h]áthughadh an b[h]acaigh gan gléus maith sgríbhneoracht' d'iarraidh, bórd no ríaghail ní bhí leam *acht* drochpheann, sgríbhneoracht ar mo ghlún', 7c<sup>n</sup>.<sup>250</sup>

Tá corrthagairt déanta ag na scríobhaithe do chaighdeán an pháipéir a bhí acu ó am go chéile, agus an chuma ar an scéal nárbh éasca dóibh teacht ar pháipéar maith go minic. '... [S]end ... a waste book of a large size', a scríobh Art Mhac Bionaid chomh mall leis an mbliain 1850, 'as there is no good paper to be got in Newry...',<sup>251</sup> agus is minic a bhíonn an páipéar ite ag an dúch sna leabhair dhéanacha. Thug Mac Labhraí (2013: 252) faoi deara go raibh Pádraig Ó Pronntaigh ag baint úsáid as dramhpháipéar le cuid den ábhar atá in COBÁC M7 + COBÁC M8 (1732-2[3], 1733) a scríobh. An beagán sin samplaí de dhreachtáí garbha atá againn, is gnách go mbíonn siad scríofa ar dhramhpháipéar fosta, agus tá corrshamplaí d'ábhar den sórt seo ó cheantair eile againn a scríobhadh ar chúl seanchonarthaí agus ar pháipéar ó oifigí dlíodóirí.<sup>252</sup> Cuid mhaith de na leathanaigh atá i leabhar coiteann Pheadair Uí Ghealacáin, C Add. 6563 (42), tchífead tosach dréachtáí de théacsanna a ndearnadh praiseach díobh ar bharr na leathanach agus iad curtha ar ceal aige, agus dréachtáí garbha scríofa aige fúthu le húsáid a bhaint as an bpáipéar. Pléitear C Add.

<sup>250</sup> LPBF 34 (b), lch 8. I gcló cheana in Morris (1927).

<sup>251</sup> LN G702(19), mír 5. Art Mhac Bionaid, An Baile Caol, chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 20 Márta 1850. I gcló in Ó Mórdha (1957: 387), agus in Ó Buachalla (1968: 198-9).

<sup>252</sup> Féach na blúirí in MN C112, ar cnuasach de pháipéir Pheadair Uí Chonail (ob.1826) í. Tá a lán de na blúirí seo scríofa ar chúl seanchonarthaí agus eile, a bhformhór ó thús na 19ú hAoise; agus LB Eg. 134, lámhscríbhinn ar ghráf scríobhaí anaithnid éigin codanna di ar chúl leathanach ar a bhfuil ábhar scríofa a bhaineann leis an Oifig Seansaireachta, *B.M. Cat.*, ii, 620.

6563 (42) in Dawson (1992: 50-2). Agus luadh cheana gur ghlan Séarlas Ó Luinín cuid d’ábhar seanlámhscríbhíne meamraim le ginealaigh a scríobh in ARÉ 23E18 (997); ba bheag le hEoghan Carrach Mac Conmhaoil na hábhair a bhí aige, dhealródh sé,

[46] *Dair go deimhin ní maith liom laghad an fpáir so ag an fpápeír do bhrigh nac[h] tticc se féin 7 an pápeír ele re céle.*<sup>253</sup>

#### **1.2.2.2. Ceangail**

Bheadh sainstaidéar ag teastáil le go mbeifí in ann cuntas beacht a thabhairt ar na ceangail a chuireadh na scríobhaithe ar a gcuid lámhscríbhinní, an beagán díobh a tháinig slán chugainn, mar gheall ar an nós a bhíodh ag bailitheoirí gairmiúla lámhscríbhinní na 19ú hAoise clúdaigh úra a chur ar ar tháinig ina dtreo de lámhscríbhinní, ach thig linn cúpla tréith choitianta a leagan amach anseo.

D’úsáideadh an chuid is mó de na scríobhaithe áitiúla, dhealródh sé, craiceann ainmhithe difriúla mar chlúdach, agus dramhpháipéar fite leis ar an taobh istigh lena láidriú. Ceann de na buanna a bhaineann leis na leathanaigh seo, sa chás go bhfuil siad istigh leis na lámhscríbhinní go fóill, is ea go dtugann siad corrléideanna dúinn ó am go chéile ar stair na lámhscríbhinní féin,<sup>254</sup> agus thig linn cás amháin a lua ina bhfuarthas téacsanna lámhscríofa i gclúdach lámhscríbhíne amháin—COBÁC A18—a bhain an scríobhaí as lámhscríbhinn eile dá chuid leis an gclúdach a dhéanamh. Sa chás áirithe seo, tá i measc na gceithre théacs a scríobhadh ar na leathanaigh seo, trí dhán nach bhfuil teacht orthu áit ar bith eile agus a bhaineann leis

---

<sup>253</sup> CT H.4.31 (1372), f. 23v.

<sup>254</sup> Níl aon amhras orm go bhfuil samplaí eile den chineál seo ina bhfolach faoi chlúdaigh thraidisiúnta eile; féach an pláta den taobh istigh de chlúdach tosaigh DE Gen. 43D in Ó Muirgheasa (2015: [xlvii]), áit a bhfuil giota beag de théacs clóite Gaeilge infheicthe ar an taobh istigh den chlúdach.

na blianta luatha den traidisiún Nua-Ghaeilge in Oiriaila.<sup>255</sup> Ar an taobh eile den scéal, tá cuid de na ceangail bhunaidh thar a bheith ornáideach, nó tá cruth ar cheann nó dhó acu gur fhostaigh na scríobhaithe ceangaltóirí gairmiúla leabhar le clúdaigh a chur ar a saothair ar a son—féach na clúdaigh a cuireadh ar COBÁC C2 agus CE 17, mar shampla, a bhfuil ainmneacha na scríobhaithe, Risteard Tuibear agus Cú Chonnacht Mag Aodha [2], greanta ar a gcúl, agus an chuma orthu gur cuireadh ar na lámhscríbhinní iad go gairid tar éis a scríofa.<sup>256</sup> D’fhágtáí an cúram sin faoi na pátrúin uaireanta eile, dhealródh sé—féach an méid a bhí le rá ag O’Sullivan (1976: 232) faoi na clúdaigh ghlasa meamraim a cuireadh ar na lámhscríbhinní a ghráf Aodh Ó Dálaigh don Dr Francis Stoughton Sullivan. B’fhiú an ceangal dreoite a cuireadh ar LEM Z4.5.6 a lua fosta, lámhscríbhinn eile de chuid an Tuaiscirt a scríobh Conchubhar Mhag Aodha (*q.v.*), is dóigh liom, agus an cruth uirthi go bhfuil sí ar an lámhscríbhinn le fada an lá, tharla gur úsáideadh dramhpháipéar atá comhaimseartha leis an leabhar lena láidriú fosta. Ar cheann amháin de na leathanaigh seo, tá an t-ainm ‘Aodh Mac Domhnaill’ inléite go fóill; más ionann eisean agus an scoláire Gaeilge, Aodh Mac Domhnaill [1] (*q.v.*), a ghráf ábhar do Thomás Ó Luinigh, d’fhéadfadh sé go raibh an ceangal ar an lámhscríbhinn seo chomh fada siar leis an gcéad cheathrú den 18ú hAois, agus go raibh sí áit éigin ar an teorainn idir Co. Mhuineacháin agus Co. Thír Eoghain thart faoin am sin.

### **1.2.2.3. Eiseamláirí**

Is mó is ábhar spéise ná an méid thuas na tagairtí a dhéanann na scríobhaithe corruair do na seanleabhair ónar chóipeáil siad a gcuid saothar, tharla go dtugann siad eolas

---

<sup>255</sup> COBÁC A18. Cuireadh na dánta seo in eagar in de Brún (1968).

<sup>256</sup> Féach go bhfuil scríbhneoireacht i lámh Risteard Tuibear ar an taobh istigh de chlúdach tosaigh na lámhscríbhinne féin. Tá tuairisc ar chlúdach CE 17 in Ó Fiannachta (1980: 21-3).

dúinn ar línte seachadta téacsanna. Déarfainn gur féidir linn a rá mar riail go mbíonn an eiseamláir, sa chás go luaitear í, ar neamhní anois, mar a luadh cheana. Ní hannamh go ndéanann na scríobhaithe tagairt dhoiléir do leabhar do-aitheanta éigin nó eile a bheith in úsáid acu, agus is uathúil an rud é dhá fhoinsé a bheith luaite acu le haon téacs amháin; b'annamh a bhactaí le heolas cruinn a thabhairt dúinn i dtaobh na heiseamláire, a scríobhaí ná a haois. I nótaí den sórt seo, is gnách nach mbíonn na scríobhaithe, ba dhóigh leat, ach ag iarraidh a thabhairt le fios dúinn go raibh siad ag brath ar chartaí duine eile, agus gur dulta dó, cibé ar domhan é, aon ghearán a dhéanfadh an léitheoir faoi mhíchruinneas na cóipe féin. Chonaic muid cheana an nóta, ó lámh Dhonnchaidh Mhic an Chléirigh,<sup>257</sup> faoin seanleabhar a chuir an tAth. Brian Mhac Éanraoidh, Droichead Átha, chuige, rud a scríobhadh mar mhíniú ar cibé lochtanna atá ar a chóip féin, ach ní doiligh cur leis an méid sin,

- [47] Acc sin *beagán* ro sgríobhasa as an tshaltair óig mhic na seanshaltrach .i. leabhar ina *bhfuil* náomhseanchas Naomh Éireann o thús go deireadh, an méid dob fheidir d'fhaghail a nÉirinn díoph do chruinnighidh an brathair bocht .i. Michél Ó Cléirigh an bhlíadhainsi d'Aois an Tig[h]earna 1627, & go ndéana Día trócaire air ar son a sháothair. Misi Conchubhar Mag Áodh.<sup>258</sup>
- [48] Arna ghraifneadh anois as leabhar de leabhraibh Mhuiris Ó Gorman do sgríobhadh leis an 2<sup>ra</sup> la de Mharta an earruigh 1762.<sup>259</sup>
- [49] Gona í sin Tóraigheacht Shaidhbhe inghean Eogain Óig co n-uige sin. Airna sgríobhadh le Muiris Mac Gorman amhuil agus mur *do* fuaras romham isan leabhar athardha ro sgr[i]obhadh re hEoin O Mearan, agus air sgur da sgríobhadh an t-ochtmdhadh lá fithchiot don mii August, Aois an Tighearna míle seacht ccead agus ocht mbliadhna air dha fhithchit. Guidhim beannacht an leightheora, agus ona lucht eisdeachta mar an cceadhna.<sup>260</sup>
- [50] Padruic O Luingsigh do sgríobh an leabharsa *ar* son usaide Samuel Cultran san cCarn Beag, míle a ttaobh thuaidh don tSradbhaile san mb[ ]iadhain, Aon

<sup>257</sup> Féach Caib. 1.2.2.1, colafon 45 thuas.

<sup>258</sup> LN G1304, f. 122v.

<sup>259</sup> LB Eg. 208, f. 87b. Lámhscríbhinn a ghraf Peadar Dubh Ó Dálaigh, 1826 (féach f. 90b).

<sup>260</sup> LB Eg. 128, f. 62b.

mhile *air* ocht chead, 7 arna tharraing as leabhar do scriobh Peadar O Duirnin do P[h]adruic Merimann isan mbliadhain 1730.<sup>261</sup>

- [51] Peter Gallegan's Sixth Volume, being a collection of Irish Songs and Poems, &c., and also a few good pieces in Prose. Transcribed by him from Mr. Peter Daly's MS. and also from other authors.<sup>262</sup>

Is gnáiche tagairtí den sórt seo i lámhscríbhinní Bhaile Átha Cliath, mar gheall ar an ábhar a bhíodh á láimhseáil acu. Is d'eiseamláir dar dáta 1726 atá Muiris Ó Gormáin ag tagairt sa chéad sampla thíos,

- [52] An tan a sgríobhadh an leab[h]ur 1726; timchiall 2 chead o sgríobhadh an tseanc[h]airt.<sup>263</sup>

- [53] Ag so síos tiomsughadh as (s)an leab[h]ar meamrain(h) ata ag Doctur Lucas Ó Maol Tuille; is furus a thuigse gur s(h)eanleab[h]air é óir nni thionsganann [an] s(h)eanc[h]ús ré heann neach dho bhí an arus *air* n-athair no *air* seanathair no *air* ngairathair.<sup>264</sup>

Is minice arís nach ndéantar ach tagairt fáin d'eiseamláir, mar a dúradh cheana,

- [54] Airna sgríobha le Seamus O Suilleabhan an bhlain do Aois an Tighearna 1828. Do reair mur fuairis sgríobha róme.<sup>265</sup>

B'fhéidir, ar an ábhar sin, gur spéisiúla an chéad nóta eile, tharla go measfaí ó dhrochlitrithe an téacs féin gur ag tarraingt ar a chuimhne féin nó ar bhéalaithris duine eile a bhí an scríobhaí,

---

<sup>261</sup> LB Add. 18748, f. 27b.

<sup>262</sup> DE Gen. 43D, lch [i]. Arna tharraingt as Morris (1928a: 172).

<sup>263</sup> MN C112, f. 48. Giotáí as an *Leabhar Branach* a ghráf Muiris Ó Gormáin atá inti, agus an chuma orthu gur dréachtaí garbha iad le haghaidh lámhscríbhinne eile. Ar chúl na duilleoige seo, tá ainm scríobhaí lámhscríbhinn na bliana 1726, 'Aodh O Dalaigh', ag bun an leathanaigh i láimh Mhuiris Uí Ghormáin; dhealródh sé gur cóip de CT H.4.4 (1346) í seo, mar sin, lámhscríbhinn a ghráf Aodh Ó Dálaigh idir na blianta 1726 agus 1750. Tá cóip mhaith de chodanna den *Leabhar Branach* i láimh Mhuiris Uí Ghormáin in LB Eg. 176. Féach Mac Airt (1944: xiv-xvii).

<sup>264</sup> CT N.5.12 (3397), lch 63 [f. 21]. Pilib Mac Brádaigh a scríobh, 173<sup>6</sup>/<sub>7</sub>-7. Is minic séimhiú gan ábhar aige, mar is follas ón tagairt thuas.

<sup>265</sup> ARÉ 24123 (931), f. 215. Féach nóta 3558 thíos.

- [55] Ag shin debhsha Lhee na Dhirigh mar a mhéir mish' é lena cur shees 15 dheg lha(?) <de> bhee Februardh MDCCCXVI. Erna scribe lumsa P(h)airic Mhac Bhraddh.<sup>266</sup>
- [56] Ag sin caipittel ar an mbolgaigh fhráncaigh & is é Fuchus is ughdar léi 7 as é Eóghan Ulltach do rinne trannslasion as Laidin uirthé 7 as é Risderd mac Muircheartaigh do sgríobh isin dara cart(h)aigh í 7 Brían mac Giolla Phátraic Uí Maol Tuile an treas fear do sgríobh í & mise Éumann O Caiside mac Néill mhic Éumainn mhic Giolla Phattraic Mháoil do sgríobh isin leabhur so í do Sheán mac Muiris Bhallaigh mhic Muiris an bhlíadhain d' Aoís an Tighearna 1676. Guídhim thú a léghthóir Chríosdaidhe um Aue María do rádh mur dhéirc spiorattalta ar anmáinnaibh an cheathrair sin.<sup>267</sup>

Tá cúpla sampla de shraitheanna fada colafoin ar nós an chinn deiridh thuas sna lámhscríbhinní, áit a dtugann an scríobhaí cuntas mór beacht ar cheithre nó ar chúig lámhscríbhinn sa líne sheachadta, ach tá tagairtí den chineál seo chomh hannamh sin nach bhfaightear iad ach i saothair na scríobhaithe is coimeádaí, agus is gnách go bhfaightear iad i gcómhthéacs ábhar fréamhaithe .i. ginealaigh, téacsanna leighis agus a leithéid sin. Is maith an léiriú a thugann na samplaí thíos ar an gcaoi ar bhain ábhar stairiúil, a baineadh as lámhscríbhinn de chuid an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh, Baile Átha Cliath amach trí Bhréifne ar dtús, sa dóigh gur scaipeadh an t-ábhar chuig Oiriaila ansin. Scríobhtar na colafoin sna háiteacha céanna sna lámhscríbhinní uilig,

(1) I ndiaidh an dáin *Fuair Bréifne a díol do hsaoghland*.

Cóip Mhuiris Uí Ghormáin (1774-5)—

- [57] Ag sin dán *filidheacht is fearr do chonarc aríamh*. San Ardchoill mar a raibh morsgol ag an Sean reumhráite Ó Maol Conu[i]re do rinne an dán 7 an t-abhran a cconntae an Chláir. & as é Tadhg Ó Rodaighe do chuir an t-orkann

<sup>266</sup> LJR Ir. 83, lch 17. B'fhéidir nár mhiste míniú air a thabhairt anseo, 'Ag sin daoibhse Laoi na [sic] Dithribh mar a fuair mise é lena cur síos, 15 dhéag lá(?) [sic] <de> mhí February MDCCCXVI. Arna scríobha' liomsa, Pádraig Mhac Bhrádaigh'. Scríobhann Pádraig Mhac Bhrádaigh *dh* go minic le *d* leathan (nó caol), nó le *-(a)idh*, *-(a)igh* stairiúil ag deireadh focail, a chur in iúl. Is dócha gur ag smaoineamh ar *-y* an Bhéarla a bhí sé sa dara cás anseo.

<sup>267</sup> ARÉ 24P3(4) (451), lch 241.

no an ghluais so *air uile*, beagnach, as leabhruibh oile le saothar mor  $\gamma^c$ .  $\gamma$  anos *iarna aithsgríobhadh* re Muiris Ó Gorman i n-Áth Clíath 1774.<sup>268</sup>

Cóip Aodha Uí Néill (1802-3)—

[58] Ag sin an dán *filidheacht* as *fearr* do *chonaire* aríamh. San *Árdchoill* *mar* a raibh *mórsgoil* ag an *Sean réumhraite* Ó Maol *Conu[i]re* do chum no do rinne an dan & an t-abhran a cConntae an Chláir. & as e Tadhg Ó Ródaigh[e] do chuir an t-o[r]lann no an ghluais so *ar uile beagnach* as *leabhraibh oile* re saothar *mór*  $\gamma^c$ . Agas *iarna aithsgríobhadh* re Muiris Ó Gorman an Áth Clíath 1774. Aris *iarna aithsgríobhadh* re hAodh Ó Néill san Iubhar san *deachmhadh mí*, Aois *ar tTighearna* an tan sin 1802. Aitchim no *guidheam beannoct gac[h]* léightheóra re m'anm féin  $\gamma$  re hanm an úghdair  $\gamma$  re hanm *gac[h]* sgríobhnara C[h]aitilce o sin am<ach>.<sup>269</sup>

(2) Roimh agus i ndiaidh 'Réim Ríoghraidhe Érend'.

Cóip Mhuiris Uí Ghormáin (1774-5)—

[59] (a) Réim Ríoghraidhe Érend febh ro fhollamhnaighsiod diaigh a ndiaigh go mblíadhnaibh do aosaibh an domhain, Dé,  $\gamma$  a righe ré a n-ais *arna t(h)ionol* a *leabhar airision Fhearghail Uí Ghadhra* les an Dup[h]altach Mac Fhir B[h]isigh An<sup>o</sup> Dni. 1649 i nGaillimh  $\gamma$  anos *iarna aithsgríobhadh* as an *leabhar cceadna* re Muiris Ó Gorman. a<sup>o</sup>. 1775.<sup>270</sup>

[60] (b) Finis *per me* Muiris Mac Gorman  $\gamma$  a mBaile Atha Clíath dhamh anos. 1775. *iarna ghraiphneadh* as *leabhar Dhubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh* i cColaisde na Gaillimhe Dia *Ceadaoin viii<sup>o</sup> Augusti A<sup>o</sup>. M<sup>o</sup>. DC<sup>o</sup>. xl<sup>o</sup>. ix<sup>o</sup>*.<sup>271</sup>

Cóip Aodha Uí Néill (1802-3)—

[61] (a) Réim Ríoghraidhe Érend feibh ro follam[h]naighsiod díaidh a ndiaigh go (go) mblíaghnaibh do áosaibh an domhain, Dé, & a righe re a n-ais *arna tional* a *Leabhar Airisin Fhearghail Uí Ghadhra* ris an Dup[h]altach Mhac Fhir Bhisigh An<sup>o</sup> Dni. 1649 i nGaillimh,  $\gamma$  anos *iarna <a>thsgríobhadh* as a' *leabhar cheadhna* re Muiris Ó Gorman A<sup>o</sup>. 1775. Agas anois *iarna aithsgríobhadh* aris re hÁodh Ó Neill san

<sup>268</sup> LB Eg. 127, f. 39b.

<sup>269</sup> COFLA MF9, lch 90. I gcló san *M.N. Cat.*, vi, 124.

<sup>270</sup> LB Eg. 127, f. 41.

<sup>271</sup> LB Eg. 127, f. 47.



Iubhar Aois an Tighearna a thaoibh a ... dhaonnacht an tan sin an 13 lá x [sic] don mhi Geanair 1803. Beannoct ler n-anam.<sup>272</sup>

- [62] (b) Finis per me Áodh O Néill san Iubhar a cConntae an Dúinn 1803. Iarna ghraiphneadh a leabhar Mhuiris Mhic Gorman do sgríobh sé an Atha Cliath 1775. Do sgríobh seisean as leabhar a' Dhubhaltaigh Mhic Fir B[h]isigh a cCola<iste> na Gaillbhe Dia Ceadaoin 8 Aug<sup>t</sup> 1649.<sup>273</sup>

Tá giorrú nach beag déanta i lámhscríbhinn Phádraig Mhic Gatháin (1843) ar an gcéad cholafon—

- [63] (a) Reim Rioghraidhe Erin febh ro follamhnaighsiod diagh a ndiagh go ..... go mbliaghnaibh de aosuibh an domhain, De, & a riogthe re a n-ais arna tional.<sup>274</sup>

- [64] (b) Finis re Padruicc Mac Gahan a nD(h)un g[C]uille a bpairraste Fhachairt sa cCuindaigh Luigh an 26 la don mhi Feabhreadh Aois an Tighearna 1843. Iarna ghraip[h]neadh a leabhar Aodh O Neill a sgríob[h] se san Uibhar an 1803 as leabhar Mhuiris Mhic Gorman do sgríobh se an Atha Cliath 1775. Do sgríobh seiseann as leabhair a' Dubhaltaigh Mhic Fir Bhisigh a cCallaste na Gaillbhe, Dia Céadaoin, 8 Aug. 1649.<sup>275</sup>

Féach fosta an colafon atá in OÉG H37, a foilsíodh cheana in Breathnach (1933a: 35), arb ionann é, geall leis, agus é siúd atá in CT D.4.35 (1431),<sup>276</sup>

- [65] Go ccongna in Tighearna a sláinte anoma 7 chuirp agus a n-eagna lé gach áon da leighfe an teaglomsa ghuidhfeas go caoindúthrechtach ar an tí ro sgríobh .i. Aodh Ó Cobhthaigh ó Bhaile Risteaird a nIathair Mhidhe, 1710, agus do sgríobhadh roimhe le Tadhg Óg mac Taidhg Dhail Uí Uigin, don Athair Padruic Tirial, 7c.<sup>277</sup>

<sup>272</sup> COFLA MF9, lch 119. I gcló san *M.N. Cat.*, vi, 124-5.

<sup>273</sup> COFLA MF9, lch 145; *M.N. Cat.*, vi, 125.

<sup>274</sup> CM L16(2), lch [1].

<sup>275</sup> CM L16(2), lch [26]. Tá na leathanaigh gan áireamh.

<sup>276</sup> Lch 108. Luaigh Mac Aogáin (1968: xx n.1) cheana go bhfuil an colafon céanna, beagnach, ag deireadh *Lucerna Fidelium* fosta; féach Ó Súilleabháin (1962: 171).

<sup>277</sup> OÉG H37, lch 69.

Tugtar faoi deara sna samplaí seo uilig nár thug na scríobhaithe leo ábhar an cholafoin amháin, ach an fhoclaíocht féin: féach gur thug Aodh Ó Néill nóta pearsanta Mhuiris Uí Ghormáin—má ba eisean a scríobh ar chor ar bith—faoi fheabhas an dáin leis go meicniúil, ionann is gur chuid dhoscartha de chaint an cholafoin é. Agus is iomaí leid atá againn gur ag leanúint sampla a gcuid eiseamláirí ó thaobh úsáid agus leagan amach colafon a bhí cuid de na scríobhaithe chomh fada siar leis an 17ú hAois, mar a thug O’Rahilly (1961: liv) faoi deara faoin áit ar cuireadh colafon Phádraig Mhic Oghannáin isteach ina chóip de ‘Táin Bó Cuailnge’.<sup>278</sup> Sampla eile de shraith colafon atá bainteach le hábhar seanbhunaithe anseo,

[66] Semus Mag Uidhir do sgríobh an Reim Genealaigh thús Shíol Uidhir san mbliaghain d’Áois *ar tTighearna* 1746. Seán Ó Cléirigh do scríobh as leabhar Shemuis Mhic Uidhir an Reim Genealaigh *cheadna* san mbliaghain 1838. Sgríobhtha re *Seán O Cleirigh o pharaiste Druing a cContae an Chabhain*. Sccríobhtha a *mBaile Ath’ Cliath* 1838.<sup>279</sup>

Ó tharla gur tagraíodh do lámhscríbhinn Mhíchíl Uí Chléirigh na bliana 1627, b’olc an ní é an deis a chailliúint sampla amháin eile a thabhairt de théacs eile a shíolraigh aisti, cóip a scríobh Seán Ó Cléirigh ó Dhrong, Co. an Chabháin, i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1825, mar a thug Ó Buachalla (1975: 27-8) faoi deara cheana féin. As cóip an scríobhaí Mhuimhnigh, Mícheál Ó Cathasaigh, dochtúir an ghúta, a grafadh sa chathair chéanna tuairim na bliana 1798, a bhí Seán ag tarraingt a chuid ábhair; fuair Mícheál a chuid ábhair ó chóip Sheáin Uí Chatháin (*fl.*1722-9) a scríobhadh i gCluain Ó Muirín, ar a dtugtar Cluain Mór, Co. na Gaillimhe, anois, duine de na scríobhaithe deiridh ó Chúige Chonnacht; ba ó lámhscríbhinn Thaidhg

<sup>278</sup> Thug O’Rahilly (1961: liv) le tuiscint go bhfuil an colafon san áit chéanna in ARÉ 24P4 (92), agus i gcóip neamhspleách eile, CT H.1.13 (1287).

<sup>279</sup> ARÉ 23M5 (66), lch 247. Féach gur litríodh an briathar *sgríobh* ar thrí dhóigh sa cholafoin féin.

an tSléibhe féin .i. Mícheál Ó Cléirigh, a rinne Seán an scríobh. Is dochreidte an ní é an méid acu atá againn go fóill,

[67] As leabhar Ard M[h]acha do scríobh an brathair bocht Micheal O Cleirigh san mbliadhain 1627. As leabhar Micheail Ui C[h]leirigh do sgríobh Séan O Cathain san mbliadhain 1722. As leabhar Sheaghain Ui Chathain do scríobh Micheil O Cathasaigh, Anno Domini 1798, an Reim Gearaltach soinn. As leabhar Micheil Ui Chathasaigh do scríobh Seaghan O Cleirigh, An[n]o Domini 1825.<sup>280</sup>

Tugtar eolas eile, amanna, ar na heiseamláirí a bhíodh in úsáid ag na scríobhaithe, nuair a measadh iad a bheith lochtach ar ábhar amháin nó eile. Is gnách nach mbactar le sonraí cruinne a thabhairt sna nótaí seo, agus is dóigh gur ag iarraidh a thabhairt le fios don léitheoir go raibh droch-chóipeanna rompu a bhí siad, ar cheasta go measfaí gurbh orthu féin a bhí an locht, mar a dúradh thuas. Ní hannamh go n-iarrtar ar an léitheoir an téacs a cheartú,

[68] Gabh mo leisgéal a leatheóir, óir do bhí ann dán sin shuas drochsgríobha, doleite san leabhar a bhfúaris e, ⁊ nir fhéad me a leag[h]adh, no sgríobha, mar bu mían lióm. Séamus Ó Gabhagan.<sup>281</sup>

[69] Sguirim go la oir ata mo leab[h]air dall, ⁊c.<sup>282</sup>

[70] ffebruarii 17. [16]9<sup>7</sup>/8. Scriptum per me Cormacum Partholain ex trita et litturis chartula spersa nec non diff[ic]ile lectu ut manifestatur per vitia in supra scriptis.<sup>283</sup>

[71] Go ndeana Dia uilechumhachtach trocaire ar anam Fl Ui Neill, ⁊ ar sealbhaoirre an leabhair so. Cuirim mur aithfuinne órt a leig[h]t[h]óir; ⁊ gaibh mo leithsgéal mo d[h]rochsgriobhineor an gach droc[h]d[h]eacht adhe a bhfuil saoi c[h]omhra so leanos do b[h]righ go róibh an presedheint as ar tairgneadh é blótach dall drod[h]eat(h)aigh' doleighte: ⁊ nac[h] tairgionnse cúir rom[h]am bualladh ar ach mur mbeith leisg orám impidhe inna duine

---

<sup>280</sup> COC M1 (1), lch 203.

<sup>281</sup> CT H.5.13 (1385), lch 133.

<sup>282</sup> CT H.5.11 (1383), lch 32. Domhnall Ó Raghallaigh a scríobh, 1704, [?] 1713].

<sup>283</sup> CT H.5.3 (1375), lch 70. Níor bheag an cuidiú dom go bhfuil an nóta sin i gcló cheana sa *T.C.D. Cat.*, 228, agus mé tríd is tríd aineolach sa Laidin.

crabhaigh consíase ro do c[h]ur dhiom .i. F. Ui Néill 7 gobhuim c[h]uim sin ag(h)ad(h)sa 7 ceartaigh féin gach ait dá bfuighe as an mbealach é 7 iar comhlionadh(?) a[n] ní reim[h]radhtese do ceanglóchaidh tu mise go bithb[h]uan an do sherbhís an feadh marefioid Séamus O Raghallaigh 7 F. N.<sup>284</sup>

D'fhéadfadh leis na scríobhaithe a bheith thar a bheith macánta faoi na lochtanna a bhí ar a gcuid oibre féin, mar a fheicfear sa phlé orthu thíos i gCaib. 1.3.

### **1.2.3. Tionchar an Chló**

Dúradh beagán cheana faoi thionchar an chló ar mhaisiú lámhscríbhinní déanacha, ach tá a shliocht le sonrú orthu siúd a scríobhadh ar pháipéar ar dhóigheanna eile. Ní scrúdófar anseo ach imlínte na ceiste, lena gcuirfear solaoídí ó lámhscríbhinní Ultacha; tá plé maith ar thionchar an chló ar dhéanamh na lámhscríbhinní in Ní Úrdail (2000: 199-225), áit a bhfuil cuid mhaith tagairtí d'fhoinsí tánaisteacha eile bailithe aici. Is ar chuntas Ní Úrdail a bunaíodh cuid mhaith den phlé thíos.

Táthar ar an eolas le fada go bhfuil tionchar láidir na dtéacsanna Laidine ar lámhscríbhinní leighis na Gaeilge, ní a théann i dtreise ón 14ú hAois ar aghaidh, ach de réir mar a threisigh cultúr an chló i gcoitinne, ó cuireadh na chéad Bhíoblaí amach ar pheas Gutenberg gona chló soghluaiste i lár na 15ú hAoise,<sup>285</sup> níorbh fhada ina dhiaidh sin a thosaigh an modh nua seachadta a dhul i bhfeidhm ar sheantraidisiún lámhscríbhinní na Gaeilge. I lámhscríbhinn leighis de chuid na 16ú hAoise<sup>286</sup> atá i dtaisce i Maigh Nuad anois, tá ceangailte léi le fada an lá cóipeanna de dhá thráchtas leighis i mBéarla ar cuireadh ceann acu i gcló i Londain sa bhliain 1586, agus mura

---

<sup>284</sup> OCH 498, lch 63.

<sup>285</sup> De bhreis air seo, féach an píosa beag breacadaíola in OÉG H34, lch 9, 'The art of printing was first found out in Germany by a knight called John Guttenburghe and brought into England by William Caxton, a mercer of [ ]'. Ní cruinn sin, ar ndóigh; i lámh de chuid na mblianta deiridh den 18ú hAois atá sé.

<sup>286</sup> MN C8. Féach nóta 526 thíos, áit a ndéantar plé gairid ar an lámhscríbhinn sin.

leor seo mar léiriú go raibh na scríobhaithe ag tarraingt ar ábhar clóite Béarla chomh fada siar leis an 16ú hAois, b'fhéidir, is éasca méar a chur ar dhóigheanna eile a raibh tionchar aige ar an traidisiún scríofa istír seo<sup>287</sup>—is chuig an traidisiún cló, ar ndóigh, a d'fhéach na scoláirí Gaeilge ar an Mór-Roinn go luath sa 17ú hAois le teachtaireacht an Fhrith-Reifirméisin a scaipeadh, díreach mar a rinne na Protastúnaigh ag deireadh na haoise roimhe sin lena gcuid ábhar teagaisc féin.

Agus más fíor go bhfuarthas réidh diaidh i ndiaidh ón dara leath den 17ú hAois ar aghaidh le cuid mhaith de na seanréimsí léinn a bunaíodh ar mhúnlaí Eorpacha anallód, agus ar bhuntáiste le lucht a seachadta is a léite an cló nua seo, is dóigh, is dearbh gur fhág ábhar clóite eile a lorg ar an litríocht dúchais, litríocht a cumadh ar mhaithe le siamsaíocht go pointe áirithe. Dealraíonn sé go raibh údar anaithnid 'Eachtra na gCuradh' sásta móitíf a 'ghoideadh' ón leagan clóite Béarla de *Arabian Nights* (c.1705) chomh fada siar leis an gcéad leath den 18ú hAois. Thig linn glacadh leis gur cumadh an téacs sin in Oiriaila. Lean dream eile de scríobhaithe i gCo. na Mí é sa dara leath den aois chéanna, ag aistriú téacsanna ó Bhéarla, ó Laidin, agus ó Ghréigis, b'fhéidir, go Gaeilge—ábhar cráifeach agus clasaiceach is mó a bhíodh á aistriú acu. Tá ceann amháin de na saothair seo ar fáil i gcóip chlóbhuailte, *An Hymn, on the Life of St. Patrick: ... Himhin Phadruig Absdal. ... re Riostard Pluncead* (1791), agus, mar is soiléir ón sárphlé a rinne Sharpe (2017) ar an leabhrán 32 leathanach seo, ghabh cúigear scríobhaithe (go bhfios dúinn) don dá théacs atá ann a athscríobh sna blianta go gairid i ndiaidh a fhoilsithe, an chuid is mó acu ag tabhairt na leathanach teidil, na bhfonótaí, agus eile leo mar a fuarthas sa leabhrán féin iad.

---

<sup>287</sup> Na greantaí adhmaid a luadh i gCaib. 1.3.1 thuas, a bhfuil samplaí díobh sna lámhscríbhinní páipéir is luaithe atá againn, agus ceann nó dhó de na seanlámhscríbhinní meamraim a grafadh sa 16ú hAois.

Bhí an-éileamh ar na téacsanna cráifeacha a cuireadh amach ar an Mór-Roinn, ar ndóigh—*Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* (1618) agus *Parrthas an Anma* (1645), ach go mórmhór. Mar gheall ar a ghainne a bhí ábhar spioradálta Gaeilge eile—agus ní fios cá huair a tharla seo go díreach ach nárbh fhada i ndiaidh a bhfoilsithe é— d'éirigh cóipeanna de na téacsanna agus leabhair urnaithe seo gann, agus nuair nárbh fhéidir leis an bpobal léitheoireachta teacht orthu, fágadh taobh leis na scríobhaithe é cóipeanna glana díobh a chur ar fáil dóibh. Ba thoradh nádúrtha air sin go ndearnadh na téacsanna seo a ionchorprú i gcorpas an traidisiúin scríofa faoi dheireadh na chéad cheathrún den 18ú hAois, agus is mó cóipeanna lámhscríofa dá bhformhór atá againn inniu ná bunchóipeanna clóite. Sular tugadh faoina n-athchóipeáil i gceart, b'iomaí scríobhaí a bhain sleachta astu le lámhscríbhinní cráifeacha a chur le chéile do phátrúin; tharraing scríobhaí ARÉ 24P12 (90) [? Giolla Phádraig Ó Luinín (*fl.*1631-54)], lámhscríbhinn a grafadh am éigin idir 1638 agus 1648,<sup>288</sup> a chóip de dhán Bhonabhentura Uí Eodhasa, *Truagh liomsa, a chompáin, do chor*, as an leagan clóite a foilsíodh i Loháin am éigin idir 1614 agus 1619 (Mhág Craith 1980: 128), agus féach gur bhain Cú Chonnacht Mag Aodha [1] (*fl.*1664-5) ó Cho. Fhear Manach—contae nár thearc lámhscríbhinní maithe ann<sup>289</sup>—an dán céanna agus giotáí beaga as saothar nua ar mó de leabhar urnaithe ná eile é, .i. *Parrthas an Anma* (1645), le lámhscríbhinn a ghrafadh dá dheartháir, Éamonn Mag Aodha. Ba mhór an gar go deimhin é leabhar Gearnon do Phádraig Ó hEithir, agus é ag cur leabhar urnaithe Caitliceach dá chuid féin le chéile, ní a chóipeáil sé faoi thrí idir na blianta 1793 agus 1797.

---

<sup>288</sup> Féach na nótaí a thugtar air sa chuntas ar Chonchubhar Ó Luinín [1] i gCaib. 2.187 thíos, ar baineadh iad bunús uilig as Breatnach (1990).

<sup>289</sup> Déantar plé gairid orthu i gCaib. 1.4.3.2; féach de Brún (1969) agus Ó Baoill (2007: 81-2), áit a dtugtar eolas breise.

In ainneoin gur cuireadh roinnt mhaith ábhar cráifeach chun an phreasa i Lobháin sa chéad leath den 17ú hAois, is ar éigean a cuireadh torthaí an fheachtais stairiúil—an taighde ar sheandachtaí agus ar naomhsheanchas na hÉireann a cuireadh ar bun san aois chéanna—i gcló. Níor clóbhuailleadh d’ábhar saolta Gaeilge (taobh amuigh de ghiotaí beaga i roinnt leabhair Laidine) ach aon leabhrán amháin<sup>290</sup>—*Focloir no Sanasan Nua* (1643) Mhíchíl Uí Chléirigh, ní a bhí á áthscríobh ag Pádraig Mac Oghannáin chomh fada siar leis an mbliain 1686, agus deimhniú againn uaidh go raibh cóip chlóbhuailte de roimhe an uair sin.<sup>291</sup> Thart faoin am céanna, tchíonn muid cóipeanna glana fáin de na saothair chráifeacha ag teacht anuas thall is abhus: rinne Uilliam Ó Loingsigh (*fl.* 1686-1706) ó Bhaile Átha Cliath tiomsú neamhghnách sa bhliain 1688 ó dhá leabhar chlóite: deascán de ghiotaí as *Parrthas an Anma* (1645) agus ó *Theagasg Críostaidhe* Uí Dhubhlaoidh.<sup>292</sup> Tamall gairid isteach sa chéad aois eile, scríobh Seon Mhac Solaidh, scríobhaí mór le rá ó Bhaile Hardaman, Co. na Mí, neart cóipeanna de na téacsanna seo, agus is eol dúinn go raibh cóip chlóbhuailte de *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* (1618) ina chnuasach leabhar aige chomh fada siar leis an mbliain 1711.<sup>293</sup> Léiríonn staidéar a rinne Ní Mhunchaile (2016: 84-6) ar lámhscríbhinní Sheoin Mhic Sholaidh go ndearna sé roinnt cóipeanna de théacsanna próis den chineál seo, agus cé gur dóigh gur cóipeáladh cuid acu ó fhoinsí scríofa, na cóipeanna de ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’ agus ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ san áireamh, gan amhras ar bith, is é is dóichí gur tógadh a chóipeanna de *Lucerna*

---

<sup>290</sup> Cuirim i gcás gur cuireadh ábhar tábhachtach eile a bhaineann le naomhsheanchas agus le stair na hEaglaise i gcló, m.sh. a bhfuil in *Trias Thaumaturga* agus leabhair eile John Colgan, ach ba i Laidin a scríobhadh iad, agus ar an ábhar sin is beag baint atá acu le seachadadh na Gaeilge féin.

<sup>291</sup> An colafon in C Add. 3083 (8), lch iv, a bhfuil cóip de in de Brún & Herbert (1986: 13 col. a); féach Caib. 1.2.1., colafon 8 thuas.

<sup>292</sup> LB Eg. 196. De réir chuntas Flower, *B.M. Cat.*, ii, 587. Maidir le hUilliam Ó Loingsigh, féach an cuntas ar Ristead Tuibear, mar a bhfaighfear tagairtí dá chuid lámhscríbhinní, i gCaib. 2.231, nóta 3713 ach go háirithe.

<sup>293</sup> Tugtar nóta ar a chóipsean in Walsh (1933: 198) fosta. De réir chuntas Ní Mhunchaile, bhí sí fós i seilbh Sheáin sa bhliain 1721, agus is í MN RB177 i Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, anois í.

*Fidelium* nó *Lochrann na gCreidmheach* (1676) ó leaganacha clóbhuailte, agus an chóip de *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* atá in CPD 2. Ba mhinic é ag déanamh cóipeanna de théacsanna den sórt seo, ach níorbh é an t-aon duine é an taobh seo tíre a bhíodh ag dul faoi choinne an chineáil seo oibre: féach an méid a scríobh Edward O'Reilly faoin *Scáthán*, agus é ag scríobh nóta catalóige ar chóip de a bhí ina chnuasach, lámhscríbhinn (nach bhfuil againn) a ghraf an tAth. Cormac Mac Cuan do William Gernon éigin sa bhliain 1720,

The book was so much in esteem and the printed copies so hard to be procured that several persons had it transcribed.<sup>294</sup>

Dá ghuagaí mar pháisáí taighde iad, bhí sé mar dhea-thoradh ar shaothair Vallancey, agus ar laoihe bréige Macpherson, fiú, gur tharraing siad leo litríocht shaolta agus stairiúil na Gaeilge isteach i dtraidisiún an chló den chéad uair i lár na 18ú hAoise, agus tháinig go gairid ar a mbonn leithéidí Charlotte Brooke, tiomsaitheoir *Reliques of Irish Poetry* (1789), agus Joseph Cooper Walker, a d'fhág againn *Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786). Díreach mar a bhí Charlotte Brooke ag brath ar sheanscoláirí ar nós Chathail Uí Chonchubhair (1710-1791) agus Mhuiris Uí Ghormáin (fl.1734-88), bhí an chéad ghlúin eile de scríobhaithe Gaeilge i dtuilleamaí ar a cuid oibre feasta—féach, mar shampla, go bhfuil ag Peadar Ó Gealacáin i lámhscríbhinn luath dá chuid cóip de 'Miss Brookes' *Elegant Collections*, is na nótaí atá leo;<sup>295</sup> síolraíonn ceithre chóip den dán *A Iníon Tais na mBánchíoch* ón 19ú hAois ar éirigh le Mag Uidhir (1977: 88-9) tagairt a aimsiú dóibh, go díreach nó go hindíreach óna leabhar. Sé bliana i ndiaidh fhoilsiú na *Reliques*, bhí scríobhaí

---

<sup>294</sup> Nótaí Edward O'Reilly ina chatalóg (1825) ar an lámhscríbhinn chailte seo, ar a dtugtar mír 37; féach faoin uimhir sin in ARÉ 23H1 (1287), nó i gcóip neamhiomlán Sheáin Uí Dhonnabháin den chatalóg, CT H.6.20 (1422). Is spéisiúil an ní é gur beag cóipeanna den sórt seo a tháinig anuas chugainn a grafadh sa 19ú hAois.

<sup>295</sup> Maidir le stair agus seachadadh ábhar an leabhair seo i gceantair liteartha eile, féach an réamhrá le Ní Mhunghaile (2009) agus Ní Mhunghaile (2010a: 26-30).



dúchasach eile, Pádraig Ó Loingsigh (*ob.*1838(?)) ag tarraingt orthu leis an gcéad iris Ghaeilge, *Bolg an tSoláir* (1795), a ullmhú don chló. Ar an taobh eile den scéal, is beag cóipeanna scríofa de sheanmóirí Gallagher (1736) atá againn, in ainneoin go ndearnadh athchló orthu níos mó ná deich n-uaire.<sup>296</sup> Dhealródh sé, mar sin, nach ndearnadh athscríobh orthu toisc go raibh eagráin nua díobh á gcur amach gach cúpla bliain. Bhí cóip acu i lámhscríbhinn ag Brian Ó Tomaltaigh sa bhliain 1840.<sup>297</sup>

Thriail cúpla scríobhaí marcanna ceangaltóra a úsáid go luath san 18ú hAois mar mhodh praiticiúil<sup>298</sup> le cruinnithe [sa bhrí: *gatherings*] a mharcáil ina gcuid lámhscríbhinní, an drong a bhí ag saothrú leo i lár Cho. na Mí an t-am sin go mórmhór—Seon Mhac Solaidh, Pádraig Ó Doibhlin agus Mícheál Ó hAirt (a bhreac lámhscríbhinn amháin i mBaile an Táith,<sup>299</sup> gar do Dhomhnach Phádraig). Ní fhéadfaí a áiteamh gur nós coitianta é ach oiread, agus is dóigh gur eascair an nós imeachta seo i gcás Sheoin Mhic Sholaidh agus Phádraig Uí Dhoibhlin ó mhéid an pháipéir a d'úsáididís lena gcuid lámhscríbhinní a chur le chéile, gur líon na téacsanna próis a bhí á ngrafadh acu na céadta leathanach ar lú ná octabhó iad go minic, ionas nárbh fhéidir leo gan córas cláraithe éigin a úsáid leis na cruinnithe a uimhriú agus a chur i gceangal san ord ceart. Bíonn suas le ceithre chruinniú is fiche

---

<sup>296</sup> Rinneadh athleasú ar na *Sermons* sna blianta 1740 agus 1819. Tá liosta de na heagráin éagsúla in McKenna (1991: 68-70): 1737, 1740 (athleasú), 1752, 1767, 1777, 1792, 1793, 1795, 1798, 1805, 1813, 1817, 1819 (athleasú), 1820, 1831, 1841.

<sup>297</sup> ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 38v, míreanna 108-14, 'The annexed [*sic*] occupy 131 closely written pages in one of the manuscripts, they may probably have been copyed from D<sup>E</sup> Gallaher<'s> Irish sermons, or som<e> other author'.

<sup>298</sup> Mar gheall ar an dóigh a n-úsáidtear na marcanna seo sna lámhscríbhinní, is soiléir óna rialta a úsáidtear iad nach iarrachtaí páistiúla iad ar aithris a dhéanamh ar leabhair chlóite, ach go raibh cúis leo. Glac, mar shampla, dhá lámhscríbhinn de chuid Phádraig Uí Dhoibhlin, LB Eg. 164 agus LB Eg. 174, atá easnamhach anois, faraor. Táchíonn muid go dtagann na huimhreacha aníos gach 16 leathanach, ionann is gur scríobhadh í mar chnuasach cruinnithe ocht nduilleog, lenar cuireadh litir agus uimhir ar aghaidh na chéad duilleoige, m.sh. X22 (níor áiríodh J agus V ina litreacha cearta an tráth seo). Tá níos mó staidéir le déanamh ar an gceist seo, ach is dóigh gur cheadaigh Seon Mhac Solaidh agus Pádraig Ó Doibhlin na huimhreacha seo toisc go scríobhaidís lámhscríbhinní beaga go minic ina mbíonn suas le 400 leathanach uaireanta, agus go raibh modh éifeachtach ag teastáil leis na duilleoga a chur ina n-ord ceart sular ceanglaíodh iad.

<sup>299</sup> Féach Aguisín 18, nóta 3965 thíos, áit a dtugtar míniú ar an leagan Gaeilge seo.

i gcuid de na lámhscríbhinní seo.<sup>300</sup> Ní éasca a bheith deimhnitheach de gur féidir na focail cheangail a d'úsáidí go han-mhinic san 18ú hAois a rianú siar don fhoinsé chéanna, ach chonaic muid an tionchar mór a bhí ag na leabhair chlóite ar mhaisiú agus ar leagan amach lámhscríbhinní cheana féin. Má ba thoradh nádúrtha ar an taití a bhí á chur ag na scríobhaithe ar an mBéarla go coiteann gur thosaigh siad a úsáid na scrípte rómhánaí agus iad ag scríobh Gaeilge ó am go chéile, is siar don chló féin a théann cuid mhaith den chineál sin scríbhneoireachta foirmeálta Béarla atá sna lámhscríbhinní, stíl a dhéanann aithris ar an gclóscript féin. Tchíonn muid seo sna lámhscríbhinní déanacha ón dara leath den 18ú hAois ar aghaidh.<sup>301</sup> De réir mar a thosaíonn an roth a chasadh i dtreo an Bhéarla, tchíonn muid go bhfágann na clónna gaelacha a d'fhorbair Christie agus eile a sliocht ar pheannaireacht cuid de na scríobhaithe dúchais agus a gcuid stíleanna á bhforbairt acu.<sup>302</sup>

Maidir le páipéir nuachta na linne, is spéisiúil go bhfuarthas i gceangal lámhscríbhinne a cóipeáladh sa bhliain 1734 i gCo. Mhuineacháin, is dócha, bloghanna de pháipéar nuachta a foilsíodh i mBaile Átha Cliath an bhliain chéanna.<sup>303</sup> An tráth a raibh scríobhaí na lámhscríbhinne seo, Muiris Ó Gormáin, ag lorg pátrún tríocha bliain ina dhiaidh sin, chinn sé ar fhógraí a chur i gcló ar pháipéir

---

<sup>300</sup> Féach nóta 298 thuas.

<sup>301</sup> Tá samplaí de chlóscript an Bhéarla i lámhscríbhinní chomh fada siar leis an 18ú hAois—féach leathanach teidil LPBF 11, a grafadh in 1714; ach tá samplaí de ghiotaí Gaeilge sa script seo chomh fada siar leis an uair a scríobhadh OB G2 .i. idir na blianta 1777 agus 1778. Tá an Béarla uilig, beagnach, in LN G228, a ghráf an tAth. Eoin Ó Muirreadh sa bhliain 1801, scríofa sa chineál scrípte seo, agus bunaíodh leathanach teidil na lámhscríbhinne ('Eochairsgiath an Aifrinn') ar nósanna na leabhar clóite—féach go bhfuil aige faoi theideal an tsaothair tagairt as na soiscéil aige, a ainm féin, agus an dáta in uimhreacha rómhánacha.

<sup>302</sup> Féach, i measc daoine eile, lámha Shéamuis Uí Leanacháin agus Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh.

<sup>303</sup> COBÁC M19. Scríobh Énrí Ó Muirgheasa nóta gearr ar ghiota páipéir i dtóin na lámhscríbhinne, 'This MS. was written by Muiris Mac Gorman and in the binding was some sheet of the Whitehall Evening Post of June 1734'. Ba é Énrí féin a chuir an clúdach úr uirthi, nuair a fuair sé seilbh uirthi sa bhliain 1919. Níl cóipeanna den pháipéar sin sa Leabharlann Náisiúnta, ach tá an méid den *Whitehall Gazette* (Baile Átha Cliath) a foilsíodh idir 1726 agus 1727 ar coimeád acu ar mhionscannán ann.

nuachta Bhaile Átha Cliath, in 1766, agus arís sa bhliain 1780.<sup>304</sup> Léiríonn plé a rinne Ní Mhunghaile (2008; 2010) le déanaí ar chnuasach leabhar agus lámhscríbhinní an scríobhaí seo go raibh an-chur amach aige ar ghnó na leabhar Béarla, agus gur féidir go gceannaíodh sé leabhair Bhéarla lena ndíol le pingíní a thuilleamh dó féin. Taobh amuigh de chatalóga ceant agus eile na mbailitheoirí gairmiúla, is doiligh teacht ar liostaí cruinne eolais faoi na cnuasaigh lámhscríbhinní a bhíodh ag na scríobhaithe áitiúla, agus cé gur doiligh a shamhlú go mbíodh na scríobhaithe tuaithe chomh heolach sin ar cheantanna leabhar ná go raibh teacht acu ar an méid ábhar clóite is a bhí ar fáil i mBaile Átha Cliath, thig linn a bheith measartha cinnte nach ionann sin agus a rá nach raibh ar a gcumas leabharlanna beaga d'ábhar scríofa agus clóbhuailte dá gcuid féin a chur le chéile. Chomh fada siar leis an gcéad leath den 18ú hAois, d'éirigh leis an Ath. Séaghan Ó Donnghaile (*ob.c.1748*)—Doiminiceach ó Dhroichead Átha a theith an baile sin ar a choimeád ó na húdaráis uair amháin ina shaol ar a laghad—cnuasach leabhar i gcúig theanga ar leith a thacar le chéile, agus é ‘largely Jesuit’, dar le Hugh Fenning (1976-7: 76) a rinne grinnstaidéar ar a chatalóg. Bhí cuid acu ag caitheamh ar an dá chéad bhliain faoin am a bhfuair an tAth. Séaghan greim orthu. Tchífeadh thíos sa chuntas ar shagart Caitliceach eile, a raibh cónaí air i mbothán beag i gCo. Mhuineacháin, an tAth. Séamus Ó Dúiche (*ob.1858*), go raibh ar a sheilfeanna leabhar aige, i measc na dteagasc Críostaí agus eile, cóipeanna de dhrámaí Shakespeare, de Robin Hood, de dhánta Burns, agus lámhscríbhinn Ghaeilge amháin ar a laghad.<sup>305</sup> Féach fosta gur thiontaigh Matha Mórdha Ó Graeme agus Nioclás Ó Cearnaigh cuid mhaith de dhánta Burns go Gaeilge san aois chéanna.<sup>306</sup> Ar an liosta leabhar a thairg Peadar Ó

---

<sup>304</sup> Féach an cuntas air thíos i gCaib. 2.172; chuir Síomón Ó Macaoín fógra i gló ar an *Erne Packet* sa bhliain 1818.

<sup>305</sup> Tugtar tagairtí i gCaib. 1.3.

<sup>306</sup> Tá cuid acu in eagar in Ó Dufaigh & Ó Doibhlin (1989), dánta 30-3.

Gealacháin a dhíol le Roibeard Mac Ádhaimh sa bhliain 1854, bhí meascán de leabhair chlóite agus de lámhscríbhinní, cóipeanna de ghraiméar Phóil Uí Bhriain, agus de stair Michael Kearney (1668), srl.<sup>307</sup>

#### **1.2.4. Litearthacht agus an *English Character***

De réir mar a théann muid isteach san 18ú hAois, tagann claochlú ollmhór ar ortagrafaíocht na lámhscríbhinní Gaeilge, taobh leis an malartú ábhair dá ndearnadh tagairt cheana. Ó tharla gurbh in Oiriaila ba mhó a leanadh de chóipeáil lámhscríbhinní sa dara leath den aois sin, is mó is sofheicthe an t-athrú mall a thagann ar ortagrafaíocht na lámhscríbhinní sna contaetha sin, ach faoin am a dtosaítear ar lámhscríbhinní a chóipeáil arís i gcúpla contae eile taobh thiar d’Oiriaila, bíonn an cumas litrithe iontu siúd luaineach go leor fosta.

##### **1.2.4.1. Ortagrafaíocht**

Cé go mbeadh sainstaidéar ag teastáil lena ceart a thabhairt do cheist dhomhain den chineál seo, is fiú cúpla nóta a thabhairt anseo ar na cineálacha córas litrithe a fheictear sna lámhscríbhinní, mar a cloíodh leis an teanga scríofa, agus mar a forbraíodh í ó thaobh cirt, ortagrafaíochta agus scrípte, agus an chuma orthu gur tharla sin in ainneoin thoil na droinge a bhí ag tabhairt na n-athruithe sin i bhfeidhm ar bhealach éigin. Is éard a thuigfí as formhór mór na lámhscríbhinní atá ar fáil inniu, gur chuir na scríobhaithe rompu cloí leis an ortagrafaíocht thraidisiúnta chomh maith agus ab fhéidir leo, agus cibé foirmeacha agus litrithe canúna, nó dearmadtaí féin, a thagann chun cinn ina gcuid scríbhinní, gur trí easpa tuisceana nó trí neamhaird a ligeadh isteach iad. Ar an taobh eile, thiocfadh leis na scríobhaithe a bheith

---

<sup>307</sup> Tá cóip den liosta leabhar i gcló in Ó Buachalla (1968: 242-3).

cruthaitheach agus seanábhar rompu, ionas go mbeifí ag déanamh amach ó na lámhscríbhinní gurbh é ba phríomhchúram dóibh cóip shothuigthe inspéise den ábhar a sholáthar don léitheoir, cé go bhfeiceann muid corrdhuine ag iarraidh foirmeacha seanda a bhrú ar théacsanna nua-aimseartha, agus gan tuiscint acu ar an dóigh ar cheart na foirmeacha sin a úsáid ar chor ar bith. Cloíonn an chuid is mó de na scríobhaithe leis an ortagrafaíocht thraidisiúnta de réir cibé cumas a bhí acu san obair, agus is ea is údar leis an gcuid is mó de na foirmeacha a imíonn ón nós imeachta sin sleamhnuithe simplí pinn agus botúin a eascraíonn as easpa cumais an scríobhaí foirmeacha éagsúla stairiúla a bhí ar aon fhuaim lena chéile ina chanúint a dhealú óna chéile. Is toradh air sin go mbíonn iontu botúin dhíreacha, m.sh. *glafar* in ionad *glacfar*, *cnam* in ionad *cnámh*; foirmeacha arb í canúint an scríobhaí (nó ortagrafaíocht na heiseamláire) is údar leo, m.sh. *lot* in ionad *locht*, *mallaighe* in ionad *mallaigthe*; agus a mhalairt, litrithe forcheartaithe ar nós *leacht* in ionad *leat*; sa dóigh go mbíonn cuma fhoghrúil ar chuid mhaith dár scríobh siad. Ní dhéantar ó am go chéile idirdhealú idir foirmeacha séimhithe, uruithe agus eile, ar nós an tsampla seo a fuarthas i lámhscríbhinn le Risteard Tuibear, *abharaigh (a bhfairche)*,<sup>308</sup> a bhfuil a mhalairt de bhotún le fáil sna lámhscríbhinní déanacha, *o dfeag, gearran Bhriain Uí bhFeirn (ó d' éag, gearrán Bhriain Uí Bheirn)*.<sup>309</sup> An tseanriail úd, leathan le leathan, caol le caol, is lú aird a thugtar uirthi i roinnt lámhscríbhinní ó thús na 18ú hAoise ar aghaidh, agus tá lámhscríbhinní an scoláire Risteard Tuibear measartha lag sa dóigh seo, cé go raibh a chomhaoiseach, Seon Mhac Solaidh, lánábaltá agus lánasta cloí leis an riail chéanna, in ainneoin go raibh an bheirt acu i mbun na hoibre céanna. Thug scríobhaithe eile, ar nós Roibeaird

<sup>308</sup> ARÉ 24P3(2) (451), lch 195.

<sup>309</sup> ARÉ 23I23 (410), lch 58; ARÉ 12E25 (908), lch 65. D'fhéadfaí cúpla leabhar a líonadh le samplaí d'earráidí ortagrafaíochta na lámhscríbhinní seo, agus tharla gur saincheist é seo, ní fiú samplaí eile a thabhairt.

Mhig Uidhir, droim láimhe amach is amach don riail seo.<sup>310</sup> De réir mar a éiríonn an córas litrithe níos scaoilte, ó c.1750 amach ach go háirithe, tagann méadú ollmhór ar líon na bhfoirmeacha canúnacha deilbhíochta atá sna lámhscríbhinní, foirmeacha nár dhoiligh do na glúnta a bhí ag saothrú na teanga leathchéad bliain roimhe sin a sheachaint. Ina measc siúd a bhíonn le tabhairt faoi deara chomh fada siar leis an tráth ar grafadh CT H.5.28 (1399), tá leaganacha malartacha d’ainmfhocail san iolra agus sa ghinideach—an claonadh sin –a a chur le focail áirithe sa ghinideach uatha, m.sh. *Éireanna, talamhna, abhanna*, srl., nó foirmeacha iolra dar críoch –adh, srl. Cineál eile botúin nach éagsúil ó na cinn seo, agus botún a thagann go mór i gceist sna blianta déanacha, is ea iad na foirmeacha de bhriathra a dtagann muid trasna orthu scaití atá níos gaire don teanga labhartha fós, foirmeacha ar nós *thug muinn, muirne*, srl., úsáid na míre diúltaí *cha(n)*, an saorbhriathar faoi shéimhiú san aimsir chaite, mar aon le meascán d’fhoirmeacha foclóra agus deilbhíochta, nach féidir trácht orthu cheal spáis, agus is i dtreise a théann a n-úsáid sa scríobh le himeacht aimsire. Is gnách na foirmeacha seo chun tosaigh in Oiriaila, áit ar tháinig i bhfad níos mó scríobhaithe ‘amaitéaracha’ chun cinn. Ba thoradh nádúrtha ar dhearcadh coimeádach thraidisiún scríofa Bhréifne nár tháinig chun cinn ann líon substaintiúil scríobhaithe amaitéaracha mar a tharla in Oiriaila, ach tá a sciar féin de dhearmadtaí agus d’fhoirmeacha corra ag togha na scríobhaithe ann fosta, sa dóigh go mbíonn leid nó dhó ina gcuid oibre faoi Ghaeilge na dúiche sin, nuair a bhíonn saothair phróis á gcóipeáil acu ach go mórmhór.<sup>311</sup>

<sup>310</sup> Is spéisiúil gur nós do Roibeard Mhag Uidhir an mhír bhriathartha neamhspleách *ro* (in áit na míre *do*) a úsáid, agus is dóigh gur úsáid sé seo ar an tuiscint gur chirt an leagan seo, tharla é a bheith in úsáid i gcomhthéacs gaolmhar i seanlámhscríbhinní. Spreag an córas litrithe a mhol MacElligott agus gramadóirí eile de chuid na 19ú hAoise scríobhaithe eile, Peadar Dubh Ó Dálaigh, mar shampla, gan sleamhnóga a cheadú, m.sh. *Pedar, mo thegasg*, srl., ach tá úsáid leanúnach na litrithe seo thar a bheith uathúil.

<sup>311</sup> Rinneadh plé in Ó Súilleabháin (1957: ix) ar fhoirmeacha canúna i lámhscríbhinn, ARÉ 23041 (181), ar ghraf an scríobhaí ba thábhachtaí ó Bhréifne san 18ú hAois í, Séamus Bacach Mhag Uidhir (*q.v.*).

#### 1.2.4.2. Script

Dá neamhphraiticiúla í, ba ghnás do na scríobhaithe cloí go docht leis an script thraidisiúnta, ar a dtugtaí an chorrlitir; is dóigh gur chuir Brian Ó Tomaltaigh a mhéar ar an tuairim choiteann nuair a scríobh sé i litir dá chuid i dtaobh na teanga agus na scrípte (na ‘native characters’, mar a deir sé áit amháin), ‘As like the union of soul and body they should live inseperable’.<sup>312</sup> Diomaite de sin, tagann muid ar an script rómhánach, nó an script choiteann, á húsáid le Gaeilge a scríobh, ar bhonn neamhfhoirmeálta an chuid is mó den am, sna lámhscríbhinní déanacha.

Ar na samplaí is sine atá againn d’ábhar Gaeilge sa script choiteann, tá rann i láimh de chuid na 17ú hAoise in COBÁC A25, lámhscríbhinn Ultach ar grafadh a formhór idir c.1610 agus 1628.<sup>313</sup> Céim mhór i dtreo na scrípte sin ab ea é na *Sermons* (1736) a scríobh an tEaspag Ó Gallchobhair, leabhar a cuireadh faoi athchló faoi dheich, go bhfios dúinn, agus tchíonn muid samplaí den script choiteann a bheith á húsáid ag scríobhaithe trí dhearmad anseo is ansiúd i dtreo dheireadh na 18ú hAoise. I lámhscríbhinn de chuid Labhráis Uí Arann a choipeáil sé sa bhliain 1777, is dóigh gur chaill sé guaim air féin áit amháin, óir tá cúpla líne i lár scéil curtha síos sa script choiteann aige de thaisme, is dóigh. Iompaíonn sé ar an script thraidisiúnta go gairid ina dhiaidh sin.<sup>314</sup> Tagann méadú ar líon na samplaí de seo sa 19ú hAois. Úsáideann Brian Mhac Cionnaoith ón bPailís, Co. Mhuineacháin, mar shampla, an script thraidisiúnta mar riail, ach amháin san áit a bhfuil nóta beag tráchta i nGaeilge curtha aige le ceann de na téacsanna, agus é scríofa sa script rómhánach, ar mhaithe le

---

<sup>312</sup> Litir chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 30 Deireadh Fómhair 1843, atá in LN G702(6), mír 1; tá sí i geló in Ó Mórdha (1958c: 169).

<sup>313</sup> Mheas Walsh (1928) gur scríobhadh formhór mór na lámhscríbhinne sna 1610í, agus gur cuireadh ábhar eile léi sa bhliain 1628.

<sup>314</sup> CT H.6.8 (1412), lch 20.

héascaíocht.<sup>315</sup> Scríobh Peadar Ó Gealacháin dhá lámhscríbhinn sa script rómhánach. Tras-scríbhinn [? gharbh] ó lámhscríbhinn de chuid na 17ú hAoise, LB Add. 40766, atá i gceann acu, ní a ghraf sé i dteach Philip Uí Chaiside, is dóigh, sa bhliain 1825; leabhar coiteann nó cnuasach dréachtaí leis na dátaí 1824-8, 1850 orthu atá sa cheann eile.<sup>316</sup> Tá corrfhocail sa script rómhánach i lámhscríbhinní déanacha eile dá chuid, ach ní féidir a rá gur bhain sé úsáid rialta aisti.<sup>317</sup> An leagan neamhghnách úd de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ .i. ‘Imthiacht Dheirdre la Naoise’, a bhfuil dréacht de i lámhscríbhinn de chuid Shomhairle Briosáin, baineadh úsáid as an dá script ó áit go chéile lena ghrafadh.<sup>318</sup> In iarracht luath de chuid Shilbheastair Mhic Gibne a grafadh idir 1811 agus 1825, déanann sé aithris ar chlósript an Bhéarla i gceannteidil téacsanna, na teidil féin arna litriú san *English character*; tá corp na dtéacsanna céanna sa ghnáthscript agus in ortagrafaíocht na Gaeilge; úsáidtear an litriú agus an script aisteach seo i gcolafon amháin fosta, ionann is gur chineál de mhaisiúchán é.<sup>319</sup> Cosúlacht amháin atá le tabhairt faoi deara idir na lámhscríbhinní seo is ea gur ghraf a gcuid scríobhaithe iad nuair nach raibh ealaín déanta dá gceird acu go seadh.<sup>320</sup>

Bhí cuid mhaith le rá ag scríbhneoir traidisúnta Gaeilge, Risteard Pluincéad, san aon leabhrán clóite dá chuid a tháinig aníos chugainn, Pluncead (1791), faoi úsáid nod agus giorrúchán sa Ghaeilge, agus an dóigh a raibh siad ina gconstaic ar léitheoirí,

That which renders the Irish Manuscript so obscure, and so hard to understand, is that there has been scarce an Irish writer but uses contractions

---

<sup>315</sup> ARÉ 23M39 (344), lch 7. Scríobh Brian Mhac Cionnaoith an leabhar seo sa bhliain 1810 i gCo. Mhuineacháin sular aistrigh sé go Dún Dealgan.

<sup>316</sup> C Add. 6563 (42).

<sup>317</sup> Tá sampla de seo in ARÉ 3C4i (a) (1018), f. [49b].

<sup>318</sup> In LPBF 37, agus tá sé curtha in eagar ag Ó Buachalla (1962-4). Deir Mac Giolla Léith (1993: 25-6, 39) ina thaobh gur athscríobh follasach é, agus is dóigh gur bh é Somhairle Briosáin a rinne an obair seo.

<sup>319</sup> Féach Caib. 2, nóta 1544.

<sup>320</sup> Féach Caib. 1.4.2. thíos.



peculiar to himself, so that we seldom meet two Manuscripts wrot<e> alike, with regard to their contractions; for as we meet a new one, we shall be under the necessity of going over its contractions before we can make any hand of the work, and perhaps after much trouble, there still would be some contractions which we could not make off with proper sense. In order to remove this inconvenience, each Irish writer should incert all his contractions, either in the first, or later part of his Book; for the better understanding thereof. Now hoping that all my Fellow Labourers, (at the sight hereof,) would use the same precaution, I shall here incert all the contractions I have used in this Manuscript, as also a collection of all the contractions that has come to my knowledge, all which I have undertaken for the benefit and ease of my readers, and likewise to render the knowledge of the Irish more extensive among the Community at large. ...<sup>321</sup>

ANY of my Countrymen, thoug[h] advanced in Years, who has a tolerable notion of Letters, and can speak and understand his native Language, may easily read it, by the help of these few directions, and a little Application.

VIVE Vale, si quid novisty rectious istis Candidus imperti, si non, his utere mecum. Go raibh tu beo slan sona, is mas aithne dhuit nith *ar* bith is taitneamhuighe ina so, roin go *cairdeamhuil* rióm e, *acht* muna b'aithna, ata failte agad cuig roin de so.<sup>322</sup>

Níor éisteadh lena dheachomhairle ar na noda agus giorrúcháin, áfach, agus chuaigh an chuid is mó de na scríobhaithe a bhain ábhar as Pluncead (1791) thar an treoir bheag seo agus an t-ábhar eile á chóipeáil acu. Tá an t-alt deiridh anseo scríofa ar fhorghuilleog a chuir Peadar Ó Gealacáin le OÉG H4, lámhscríbhinn a dheisigh sé sa bhliain 1827, mar aon leis an aistriúchán spéisiúil Béarla thíos,

[72] Fare you well, and if a better system's thine,  
Dispose of it frankly, or make use of mine.<sup>323</sup>

---

<sup>321</sup> Baineadh seo as an gcóip a bhí ar mo ghar, .i. í siúd atá in LN G228.

<sup>322</sup> Cuid de na 'Short Directions for Reading Irish' in Pluncead (1791), mar a thugtar iad in LN G228, lgh 400, 403. Rinneadh plé mion ar an leabhrán in Sharpe (2017a), agus tá cuntas ginearálta air in Ó Casaide (1929b). Féach an cuntas ar Ristead Pluincéad [2] thíos i gCaib. 2.226.

<sup>323</sup> OÉG H4, forghuilleog thosaigh. Níor scríobhadh seo sa bhliain 1827; measaim, ar an bpeannaireacht, go mbaineann sé leis an tréimhse idir na blianta 1841 agus 1854.

Déanfar trácht ar an dóigh a gcabhraíodh na scríobhaithe lena chéile ar ball beag.

Sula dtuga muid faoin *English character* a phlé go gasta, is fiú súil a chaitheamh ar shampla amháin eile de dhrochortagrafaíocht Ghaeilge,

Thruer tha bhra er ma m[h]aies  
is tha shead ga braugh ma bhun  
is true gin a ghroughu le crann  
an dheubhl a clan is a crhuu.

Barr le ma clinn ma spree  
bhee ocu fean nought  
dumse ce girr feguss ingheel  
no m'anam ereighn is ma chorp.

Na cruh c hangure shudh  
a ghuidh ma chool se cradh  
bhar loff ocu ma chorp  
no m'anim bocht is ma spradh.

Dheul is dhuruge dhall  
fahr nach ann lesh ach olc  
er a nhanim selebher shedh  
cha dhliochu she in spree in sa [*sic*] ghorp.

Cha dheru ean dhan thruer  
ginn dhies eile ce gurb ulill(?) clann  
en chudd a reaghu e fean dhan dhog  
ghobh shin er a chud fean erean.

<F>ach a Chrieste churu le chraun  
is a ghunu le dholl gan sule  
a tha shied a brah er ma lhadd  
ghurutu ghadd er a thruer.<sup>324</sup>

Tá an t-iomlán scríofa in iarracht iontach lag ar an script thraidisúnta, agus is éard a thuigfí as an litriú gurbh eolaí go deo an scríobhaí ar ortagrafaíocht an Bhéarla— féach na foirmeacha seo a leanas ach go háirithe, *true* ('truagh'), *ereighn* ('araon'), *ma chool* ('mo chúl'), *cradh* (iarracht ar litriú ar nós *cray* a cheilt, is dóigh; 'cré');

---

<sup>324</sup> LJR Ir. 83, lgh 18-19.

cuirtear ainmneacha litreacha trína chéile lena luachanna fóinéimeacha, *c* (/k'é:/ le haghaidh ‘cé’, srl.); is beag tuiscint a bhí aige ar an dóigh agus ar an áit ar cheart séimhiú a mharcaíl sa scríobh—ní minice ann ná as é, *se cradh* (‘sa c[h]ré’); is gaire do nósanna an *English character* na consain ‘shéimhithe’ seo, *is dhuruge* (‘is dorrdha’), *ma m[h]aies* (‘mo bhás’), *sa ghorp* (‘sa chorp’), *ghadd* (‘gad’), srl. Ó tharla go n-úsáideann an scríobhaí tréithe litrithe nach fada iad ó choinbhinsiúin ortagrafaíochta an Bhéarla, ní fada óna chéile an giota seo agus córas litrithe a fheictear i lámhscríbhinní déanacha eile, an *English character*.<sup>325</sup>

### 1.2.4.3. English Character

Taobh le húsáid na gnáthscripte i gcúrsaí Gaeilge, tháinig fás éigin ar úsáid an *English character* ón dara leath den 18ú hAois ar aghaidh.<sup>326</sup> Córas eile litrithe a bunaíodh ar nósanna ortagrafaíochta an Bhéarla a bhí ann, agus an chuma ar an scéal gurbh iad na scríobhaithe ba lú taithí ar ortagrafaíocht thraidisiúnta na Gaeilge an dream ba mhó a chleachtaigh é, ach téann a fhréamhacha níos faide siar ná an 18ú hAois.<sup>327</sup> Ní bhíonn, ar ndóigh, córas caighdeánach litrithe i gceist sna téacsanna seo, ach tá an dóigh a n-úsáidtear ortagrafaíocht an Bhéarla sna lámhscríbhinní rialta go leor. Is nós, mar shampla, *dh-* agus *gh-* tosaigh, cibé acu leathan nó caol iad, a léiríú mar *y*, cé go scríobhtar corruair *gh-* leathan mar *g*.<sup>328</sup> Is gnách go scríobhtar *t* (leathan), agus *d* leathan corruair, fiú, mar *th*. Dealáítear focail óna chéile mar is

<sup>325</sup> Léiríonn giotaí eile gan síniú in C Add. 6563 (42) tionchar ortagrafaíocht an Bhéarla ar a bhfuaid, cé go bhfuil siad scríofa i láimh mhaith thraidisiúnta. Is dóigh go bhfuil sé le tuiscint as na samplaí seo nach féidir úsáid na scripte rómhánaí agus an *English character* a cheangal lena chéile amach is amach, agus gur dhá thoradh ar leith iad, go pointe áirithe, ar theagmháil an dá theanga lena chéile.

<sup>326</sup> Tugtar liosta de shamplaí ó cheantair dhifriúla in Williams (1994: 448). Is iad na cnusaigh is substaintiúla LN G473 le Liam Ó hOisín ó Cho. na Gaillimhe, agus seanmóirí an Ath. John Heely in COFLA MF4, a cuireadh in eagar in Hicks (1947), agus ceann eile díobh in Ó Labhraí (1999-2000). Is spésiúil an t-ábhar seo a chur i gcomórtas leis na seanmóirí Preispitéireacha le hAindrias Briósáin in LPBF 37 (*i*) a scríobhadh in ortagrafaíocht na Gaeilge agus sa script choiteann. Tá samplaí de sheanmóirí san *English character* ó cheantair eile againn. Is beag idir córas an *English character* ó thaobh a nádúir bhunúsaigh agus a bhfuil i *Leabhar Deaghan Liosmór*.

<sup>327</sup> Is leor sampla amháin a thabhairt: *Leabhar Deaghan Liosmór* a scríobhadh in Albain sa 16ú hAois.

<sup>328</sup> Féach ina thaobh seo O’Donovan (1845: 48-9), agus Mag Eacháin (2013).

ceart, de ghnáth, agus ba nós do Bhrian Ó Tomaltaigh, agus do Bhrian amháin, áit a scríobhtar focal faoi urú (nó faoi shéimhiú scaití), túschonsan an fhocail bhunaidh a scríobh os cionn na litreach uraithe leis an mbrí a shoiléiriú.

D'fhéadfaí ceann ar bith de cheithre mhíniú a thabhairt ar theacht chun cinn an mhodha litrithe neamhghnách seo. Sa chéad áit, is féidir féachaint ar an *English character* mar chóras a d'úsáideadh cainteoirí Gaeilge nach bhfuair oiliúint i gceird na lámhscríbhinní le téacsanna a thaifeadadh ar bhonn praiticiúil nuair nach raibh teacht orthu i lámhscríbhinní eile. Nó, is féidir nach raibh ann ach modh áisiúil scríbhneoireachta a d'úsáidítí den chuid ba mhó le dréachtaí de théacsanna a chur ar pháipéar go gasta, nó go mbeadh faill ag an scríobhaí iad a scríobh go nua, nó duine a cheapadh a dhéanfadh sin ar a shon. Tá, mar shampla, beagán dréachtaí Gaeilge san *English character* i leabhar coiteann de chuid Éadbhaird Uí Eachaidh (*q.v.*), COFLA D2, duine a raibh cur amach measartha maith aige ar ortagrafaíocht na Gaeilge. Léamh eile air is ea gur baineadh úsáid as le cuidiú le léitheoirí nach raibh in inmhe an ortagrafaíocht thraidisiúnta a léamh, díreach mar a rinne Stokes in *An Soisgeul do reir Lucais, agus Gníovarha na Neasbal* (1799)—nó, mar a rinne Pádraig Ó Loingsigh ar a shon, ba chóir a rá. Cuimhnítear air gur ghlac scríbhneoirí eile an cló rómhánach chucu sa tréimhse chéanna ar ábhar gaolmhar, Gallagher ina chuid *Sermons* (1736) agus Pluncead in *An Hymn, on the Life of St. Patrick: ... Himhin Phadruig Absdal* (1791). Deir Pádraig Ó Loingsigh i gceann de na litreacha a scríobh sé chuig Stokes agus é ag obair ar an leabhar gur shocraigh sé féin an córas, agus gur thriail sé é ar chúpla duine nach raibh in ann Gaeilge a léamh; dhealródh sé go raibh sé mór as.<sup>329</sup> Cuid mhaith den ábhar lámhscríofa atá againn san *English character*, is seanmóirí iad, agus is féidir go n-úsáidítí an córas litrithe sin mar

---

<sup>329</sup> Priontáladh an litir i gCaib. 2.185 mar chuid den chuntas ar Phádraig Ó Loingsigh.

chuidiú leis an téacs a léamh os ard. Tá samplaí de sheanmóirí ó Chúige Mumhan a scríobhadh san *English character*, agus cuid eile a bhaineann leis an gceantar atá faoi thrácht againn: na seanmóirí a scríobh an tAth. John Heely (1758-1831) isteach in COFLA MF4, idir na blianta c.1796 agus c.1816, le linn dó a bheith lonnaithe i nDún Léire, Co. Lú;<sup>330</sup> agus an cnuasach a d'fhág an tAth. Hugh McFadden (c.1801-1868) ó Chloch Cheann Fhaola, Co. Dhún na nGall, againn.<sup>331</sup> Is é an ceathrú léamh a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an *English character* gurbh iarracht ar leith é córas nua ortagrafaíochta a chruthú don teanga, ach ní dóigh é ach oiread.

Is eol dúinn ón méid a dúradh cheana gur tháinig meath ollmhór sa dara leath den 18ú hAois ar chumas an ghnáthscríobhaí an teanga a scríobh mar ba cheart de réir nósanna a linne féin, agus gur tháinig cúlú ag an am céanna ar úsáid na teanga scríofa mar uirlis phraiticiúil taifeadta laistigh de réimse na lámhscríbhinní féin an uair sin. Caithfidh sé go raibh na deacrachtaí a bhí ag cuid mhaith de na scríobhaithe déanacha an teanga a scríobh go hinniúil as a stuaim féin, gan cuidiú eiseamláire, ina gconstaic ar úsáid na teanga mar mheán scríofa, agus is dóigh gur féidir féachaint ar an *English character* mar chéim nádúrtha eile sa chlaochlú sin i dtreo an Bhéarla (chomh fada is a bhaineann an scéal le cúrsaí Gaeilge) mar mhodh éifeachtach cumarsáide sa tréimhse chéanna. Creideann Williams (1994: 448) gur choitianta úsáid an *English character* i ndúichí nach raibh traidisiún substaintiúil scríbhneoireachta iontu, agus is éard a thuigfí as an dornán samplaí a thugann sé dá úsáid sa 19ú hAois go raibh an ceart aige.

---

<sup>330</sup> Rugadh an tAth. John Heely gar do Thulaigh Álainn, atá cúpla míle taobh ó thuaidh de Dhroichead Átha. Dúradh i nóta 56 cheana, áit a dtugtar nóta gearr ar an gcléireach, go bhfuil seanmóirí an Ath. Heely i gcló in Hicks (1947), agus ceann acu in Ó Doibhlin (1999-2000). Is ábhar spéise gur thaispeáin Ó Cuív (1954a: 252-3) gur tharraing an tAth. Heely ar théacsanna Gaeilge a bhí ar fáil i lámhscríbhinní na 18ú hAoise lena sheanmóirí a scríobh.

<sup>331</sup> Tugtar cuid mhaith eolais agus samplaí de shaothar an Ath. McFadden in Ó Labhraí (2001). Tá an bhunscríbhinn caillte, ach chóipeáil Éamonn Ó Tuathail í. Féach nóta 55.

I gcead don tuairim sin, atá ceart ar an móróir, is fiú a lua go bhfuil giotaí againn san *English character* i lámh duine de na scríobhaithe is cumasaí de chuid na 18ú hAoise, Muiris Ó Gormáin. Is i mbunleabhar amhrán agus dánta Gaeilge, ARÉ 23B28 (299), a fhaigheann muid iad—agus leagan san ortagrafaíocht agus script thraidisiúnta taobh leis an leagan eile go minic. Féach, mar shampla, an giota seo as a foilsíodh in Ó Máille (1916: 316-7),

Nollick na Ruarcagh a guivne nule yuine  
da diucfa da veicfy sda gluinfy go deoy  
Seacht fiheed muck mart agus cáora  
da gaskart don yasry gach énló  
Na kéada púl iske beaha sna meadra ya leénu  
eg ery ar madin is aginn avee an spórt  
Do brisu mo pheepa[-]sa sladoo mo phóca-sa  
do gudoo mo vrestee[-]sy loisgu mo chlóca-sa  
Chaill me mo varred mallin is meilead  
o d[']imee na gared ar seacht<sup>332</sup> mannat leao  
Spreg ar a glarsee sin, sinn an plearaca sin  
prap yune sgard don digh sin, si so an churm choir.

Dhealródh sé, mar sin, go raibh Muiris ag baint úsáid as an gcóras litrithe seo mar chuidiú don fhoghlaimoir. Scríobh sé cúpla bunleabhar eile den chineál seo, agus cé nach bhfuil samplaí den *English character* iontu, tá cuid de na téacsanna atá in ARÉ 23B28 (299) i gcnuasach téacsanna eile dá chuid, LN G458—leagan Béarla de ‘Eibhlín a Rún’, agus, os a chomhair sin, ‘The same in Irish characters’.

Is aisteach an ní é, mar sin, go bhfeiceann muid ó am go chéile an córas seo in úsáid ag scríobhaithe a raibh cumas as cuimse acu in ortagrafaíocht na Gaeilge sa 19ú hAois, agus taobh le hábhar sa script agus san ortagrafaíocht thraidisiúnta ina gcuid lámhscríbhinní. Duine acu siúd is ea é Matha Mhac Cinnéadaigh, a bhí cumasach go

---

<sup>332</sup> Scríobhann sé *shat* áit eile sa lámhscríbhinn, ARÉ 23B28 (299), lch 8.

leor leis an leabhar urnaithe *The Spiritual Rose* a réiteach don chló sa bhliain 1800,<sup>333</sup> murar litreoir iontach é. Thogh sé an *English character* a úsáid agus píosa á chur aige le MN B1, lámhscríbhinn de chuid na 18ú hAoise a bhí ina sheilbh idir 1802 agus 1836. Treisíonn sé seo píosa an argóint go gceadaíodh scríobhaithe cumasacha Gaeilge an *English character* ó am go chéile, mar áis don léitheoir príobháideach agus don léitheoir poiblí. Ar an taobh uachtair den chontae céanna, i nDroichead Átha, ghraf Criostóir Aindreamha lámhscríbhinn idir na blianta 1808 agus 1810,<sup>334</sup> agus úsáideann sé an *English character* faoi dhó inti. Toisc go dtugann Criostóir ‘copy book’ ar an lámhscríbhinn áit amháin, agus nach dóigh gur scríobhadh do phátrún í,<sup>335</sup> is féidir féachaint uirthi mar chineál de leabhar coiteann ina bhfuil ábhar traidisiúnta, cúpla ní eile a chum sé féin, agus rud nó dhó a glacadh síos ó insint bhéil. Idirhealú bréige a bheadh ann, áfach, an *English character* a shamhlú go díreach leis an ábhar nach raibh fáil air i seanleabhair, óir tá an dá pháosa dá chumadh féin (de réir mar is féidir liom a dhéanamh amach) sa lámhscríbhinn curtha síos aige in ortagrafaíocht na Gaeilge, agus sa script thraidisiúnta. Tá dhá ghiota ar leith sa lámhscríbhinn san *English character*: colafon beag a chuir sé le tairngreachtaí Béarla atá istigh leis an ábhar Gaeilge, agus téacs ar a dtugann sé ‘Dick Duff’s Will’.

---

<sup>333</sup> Tá an litriú giota beag guagach sa leabhar sin, gan amhras, ach ní dóigh go ndéarfaí gur mheasa é mar scríbhneoir Gaeilge ná an chuid is mó de lucht a linne. Gheofar trácht ar theanga an leabhair seo sa réamhrá leis an eagrán úr de a chuir McKenna (2001) i gcló cúpla bliain ó shin. Cuireadh amach cúig leagan den leabhar seo sna blianta 1800 [= A McKenna (1991: 54-5; 2001)], 1819 [=B, cailte], 1820 (féach de Brún (2009: 365), 1825 [= C], 1835 [= D]). Leagan leasaithe atá in C [agus D] a rinne scoláire anaithnid éigin, ach ba é Mathew Kennedy a thiontaigh A go Gaeilge. Leagtar C ar ‘Mat. Kennedy’ go príomha, ach go bhfuil an scoláire anaithnid a réitigh C don chló tar éis ábhar eile a chur isteach, dhá dhán leis an Ath. Brian Ó Cathaláin ina measc. Féach an plé ar Mhatha Mhac Cinnéadaigh i gCaib. 2.50.

<sup>334</sup> ARÉ 3C4ii (1019).

<sup>335</sup> Scríobh Séamus Ó Fearghail [2] codanna di do Chriostóir fosta, agus is dóigh gur le Criostóir í le fada an lá, mar sin.

An tiomna bréige seo, is dóigh gur cóip d'ábhar a glacadh síos ó bhéalaithris é, nó tá neart bearnaí sa téacs ionann is nach raibh deis ag an scríobhaí codanna de a fháil, agus gur scríobh sé a bhfuair sé go néata ina dhiaidh sin. Scríobhann sé corrfhocal sa script agus sa litriú traidisiúnta ó áit go chéile ar ábhar éigin nach dtuigim, sa dóigh gur doiligh a mheas goidé an t-ábhar gur chinn sé ar an bpíosa a chur de sa riocht sin ar chor ar bith. Is dóigh nach bhfuasclófar cuid mhaith de na ceistanna a bhaineann le húsáid na scrípte seo nó go ndéanfar dianstaidéar ar an nós corr scríbhneoireachta trí chéile. Meabhraítear don léitheoir go ndearna Brian Ó Tomaltaigh, an té a bhain úsáid as an *English character* ar bhonn measartha rialta,<sup>336</sup> iarrachtaí ar ábhar a scríobh sa litriú traidisiúnta agus ar an gcorrlitir, agus gur fhostaigh sé Peadar Ó Gealacáin le cóipeanna cearta a dhéanamh dá chuid oibre, cé nár shásaigh obair shlachtmhar Pheadair é. Ba spéisiúil an ní é an slat tomhais a bhí aige maidir le cruinneas téacsanna a bheith ar eolas againn.

### **1.3. Scríobhaithe**

Más fíor go bhfuil neart eolais ar fáil faoi dhéanamh na lámhscríbhinní, tá muid dall aineolach, an chuid is mó den am, ar an dream a bhí freagrach as a scríobh, agus dá fhaide siar a théann muid, is deacra a éiríonn sé teacht ar aon eolas faoi scríobhaithe an Tuaiscirt. Dhírigh Ó Buachalla (1979: 338) aird ar tháthú cheird an scríobhaí agus an fhile san 18ú hAois, nuair a tháinig an ré úr i réim; ní iontach an ní é nuair a smaoiníonn muid ar a liacht léitheoirí filíochta a bhí, agus a bhíonn sa lá atá inniu ann go fóill, ina bhfileoirí beaga. B'ionann an scéal do scríobhaithe an Deiscirt, ar ndóigh. Thriailíodh gach duine de scríobhaithe móra na 19ú hAoise a bhain leis an

---

<sup>336</sup> Tugtar sampla dá chuid oibre in Williams (1969-70). Deir Ó Mórdha (1958c: 157), 'He could not write Irish in orthodox spelling and in that part of the Royal Irish Academy Ms. 3c4i written by him he writes Irish phonetically'.



gceantar seo againn, Peadar Ó Gealacáin, Pádraig Mhac Gatháin, Art Mhac Bionaid, Aodh Mhac Domhnaill [2], agus, ar ndóigh, Nioclás Ó Cearnaigh, dánta a chumadh, mar aon le neart eile acu—Silbheastar Mhac Gibne, Mícheál Mhac an Bhaird—a scríobh cuid mhaith rainn fáin a bhaineann le déanamh na lámhscríbhinní, agus ceann nó dhó acu ag díriú ar an gceird í féin,

[73] Is iomdha úair don ló 's don oídhche  
chaith mé 'sgriobh an leabhar so;  
is iomdha úair don ló 's don oídhche  
'chaith mé dá chuir a meabhar fós.  
Do b'f[h]earr dam sin dtáobh Dhe sa tsáoghal  
(bheith sgríobh an teangaidh mhilis mhín)  
na bheith ag roith ó thoigh go toigh,  
a' cúlchaint *air* mo chómharsanaí.  
Anois íaraimse mur athchuinghe,  
air leitheórraighe an leabhar so,  
a mbeannacht thabhart dam go dían,  
is Padair 'chuir le m'anamse.<sup>337</sup>

Murar leasc le filí agus lianna na seanaimsire dul ó phátrún go pátrún agus iad ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach, d'fhéadfaí an ní céanna a áiteamh faoi chuid de na scríobhaithe a bhí ag obair leo sa dara leath den 17ú hAois. Chonaic muid cheana, i gcolafon 45 thuas, áit a ndéanann scríobhaí (nó 'bacach' mar a deir sé) de chuid na 17ú hAoise gearán go raibh air scríobh gan cuidiú boird, gur nós do scríobhaithe áirithe a bheith ar gluaiseacht ó áit go chéile de shíor san aois sin. Ní doiligh cur leis an sampla úd i gcás lámhscríbhinní na haoise sin, cosúil leis an gceann ina bhfuil colafon 44 thuas, agus thuigfí ó chuid acu nach bhfanadh an dream a ghraf iad in aon áit amháin le fada,

---

<sup>337</sup> ARÉ 23079 (1388), taobh istigh den chlúdach. Eoin Ó Fionnagáin, Cúil Mhaoilín, Co. na Mí, a scríobh an leabhar uilig idir na blianta 1821 agus 1824.

- [74] Ni beag liom *sin* do sgríobhadh no go ttí lá oile 7 mé ag *tarruing* go <hA>onach an Droichitt an t-aonudha lá fíothad do mhi Sep<tember> 1657. Henry Cassidye.<sup>338</sup>
- [75] Ag sin duit, a Phadruig Óig I Shiaghuaíl od sheisi 7 od bhrathair ionmhuin Padruic Gruamdha O Siaghuaíl, 7 Dia mór dar ttoghairm aráon as an choigríochsi iona bhfuilmíd, i gCoigeadh Ol nEgmhocht, dochum ar nduthchuis atharrdha 7 sinnsíordha .i. go hIbh Eathach: isin Choill Laguigh dhamh anocht láimh re Cruachan Gaileang. Decembris 15, 1657. Laus Deo.<sup>339</sup>
- [76] As tuirseach ataimsi aníogh i gCartun an B[h]rughaidh, 7 sgeamhghal na ngarlach isin tighsi amuigh dom bhuaidhreadh, 7 gan sgéla o Ibh Eathach agam.<sup>340</sup>
- [77] Arna sgríobhadh lé Conc[h]obhar Mhag Aodh <...> úsaide Ghiolla Pádrúicc Uí Seib[h]lén <...> míoshúaimhnach d'easbhaidh áite comh<...> 7 má tá easbhaidh no locht ann <...>u<...> choirsi táinic ris, acht an <...> an léagthóra <...> ann, tabhraidh mí<...> ar sgar dá s<g...><sup>341</sup>
- [78] Finit per me Dionisium Mac Caffry 26 Augusti An[n]o Domini 1682. ... Si qua videbuntur casu que non bene scripta in qua scribebam barbara terra fuit eadhon Learga Chloinne Cothaigh.<sup>342</sup>
- [79] Ag so leabhar Dhonchuig[h] Mhic Caffry, iarna sgríobhadh ris an Donnchadh remhraite (a Leagain Chlinn[e] Cothaigh) an bhliadhainsi d'Aois an Tig[h]earna 1682, 7 aitchim an fírdhía forordha ... Má tá locht deachtaigh[th]e nó órdagraifia isin sgríobhneorachtsa bíodh aithfer iomaithbhir ar an leabhur 'na ffrith so úair nír bh'áil liomsa tabhairt do bharamhail iná do mheas damh féin briathra na beatha suthaine do chlaochlughadh a n-innas n-aile, 's is amhail fúarais romham isin leabhur focal ar fhocal, 7 litir ar litir, 7c. A bPurt na Leadán damh aníugh an .27. August 1682. ...<sup>343</sup>
- [80] Atá ann aoidhche ann. Ni leur damh nisa mó.<sup>344</sup>

<sup>338</sup> ARÉ E.iv.2 (995), f. 3v. Énrí Ó Caiside nó Henry Cassidye a scríobh, 1657, 1675.

<sup>339</sup> ARÉ 23K42 (447), lch 262.

<sup>340</sup> ARÉ 23K42 (447), lch 340.

<sup>341</sup> ARÉ 24P17(2) (1070), lch 465.

<sup>342</sup> ARÉ 3B27 (762), lch 207.

<sup>343</sup> ARÉ 3B27 (762), lch 208.

<sup>344</sup> CCM A, lch 179.

Tá a shliocht sin go speisialta ar an méid logainmneacha a luann Pádraig Gruamdha Ó Siadhail ina lámhscríbhinn siúd ARÉ 23K42 (447), ní a léirigh Nic Dhonnchadha (2006) go sásúil a bheith fíor i gcás roinnt scríobhaithe leighis de chuid na haoise roimhe sin. Is flúirsí go deo tagairtí agus gearáin faoi lámhscríbhinní a bheith á scríobh i ndálaí mífhóirsteanacha i leabhair na 17ú hAoise ach go háirithe, ní nach dtéann go rómhaith leis an eolas atá againn i dtaobh scríobhaithe na 19ú hAoise. Thuigfí óna gcuid lámhscríbhinní siúd go mbídís socraithe san áit chéanna i gcónaí, beagnach—cuirim leithéidí Pheadair Uí Ghealacáin agus Airt Mhic Bhionaid i gcás go sonrach.<sup>345</sup> Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn cá huair a tháinig deireadh leis an ‘scoláire taistil’ go díreach; cé gurb eol dúinn go mbíodh cuid de mhúinteoirí na 19ú hAoise ag imeacht de shíor leo ag teagasc, ní fheicim a chomhartha sin ar lámhscríbhinní na tréimhse. An scríobhaí cáiliúil sin, Seon Mhac Solaidh a bhí ina bhall de ‘chiorcal’ Thaidhg Uí Neachtain, is dóigh go raibh buanchónaí air, nó geall leis, i mBaile Hardaman idir na blianta 1713 agus 1724.<sup>346</sup>

Leid eile gur chuir cuid mhaith acu fúthu in aon áit amháin is ea go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go raibh neart díobh pósta, agus cúram acu; nó is fíor sin i gcás scríobhaithe na 19ú hAoise go deimhin. Bheifí ag déanamh amach ó fhaisnéis na lámhscríbhinní agus taifead eile<sup>347</sup> go raibh muirín ag 36 dhuine acu,<sup>348</sup> ar a

---

<sup>345</sup> Thuigfí ón liosta a thugann Peadar Ó Gealacáin de na háiteacha a raibh sé ag teagasc idir na blianta 1814 agus 1826 go mbíodh sé ag taisteal de shíor sna blianta sin, ach taispeánann na colafoin ina chuid lámhscríbhinní gur dóigh go raibh cónaí air sa chomharsanacht chéanna an t-am ar fad, beagnach, cúpla paróiste in iarthuaisceart Cho. na Mí. Is fíor gur bhog Aodh Mhac Domhnaill [2] agus Nioclás Ó Cearnaigh fada óna n-áiteacha dúchais; scríobh Art Mhac Bionaid na lámhscríbhinní uilig atá againn a bhfuil logainmneacha leo, idir na blianta 1817 agus 1860, agus é ina chónaí in aon bhaile fearainn amháin, An Baile Caol, áit a bhfuair sé bás sa bhliain 1879. Is doiligh a rá cá mhinice a tharlaíodh sin toisc gur doiligh teacht ar thaifid leanúnacha i gcás fhormhór na scríobhaithe, ach b’ionann an scéal i gcás Phádraig Mhic Gatháin, a chaith na blianta idir 1813 agus 1844 ina chónaí i nDún gCuaile. Is i mBaile an Scothaigh a scríobh Séamus Mac Giolla Ruaidh na lámhscríbhinní dá chuid dá bhfuil tagairtí againn, cé go raibh cónaí ar an bpátrún ba mhó a bhí aige i mBéal Feirste.

<sup>346</sup> D’fhéadfadh sé gur ghraf sé lámhscríbhinn, ARÉ 23A40 (150), i dteach Thaidhg Uí Neachtain i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 1713.

<sup>347</sup> Féach Aguisín 5, cuid 6.

laghad, agus go raibh bean chéile ag triúr eile acu. Ní gá scéal mór a dhéanamh anseo dá bhearnaí atá ár gcuid eolais i dtaobh fhormhór na scríobhaithe, áfach, agus is ar éigean is féidir a léiriú gur phós nó nár phós an chuid eile díobh, taobh amuigh de 21 dhuine den 22 shagart nó bhráthair is féidir a aithint ina measc. Bhí an bheirt mhinistéirí Preispitéireacha, Aindrias Briosaín agus Uilliam Mac Néill, pósta agus páistí acu beirt. B'fhéidir go bhféadfaí cúigear scríobhaithe eile a lua a bhfuil mórán eolais ar fáil fúthu, ach gan tagairt ar bith do bhean a bheith acu. Ní féidir a dhath ar bith a rá i dtaobh na 164 scríobhaí eile. Níl eolas cuimsitheach ar fáil faoi mhéid na dteaghlach a bhí ag a bhformhór mór, taobh amuigh de chúpla duine a bhí in aois a bpósta thart faoi lár na 19ú hAoise, agus póstaí práinne a bhí i gceist san fhormhór acu siúd, go deimhin.

Níor nós do chúpla scríobhaí fanacht siar ar an bpostúlacht, ar ndóigh. Tchíonn muid ó am go chéile mórtas éigin ar an scríobhaí as an obair a bhí curtha de aige; féach, mar shampla, an nóta seo a grafadh nó a cóipeáladh in LPBF 34 (b) sa bhliain 1758, agus a thugann cuid mhaith eolais dúinn faoin gcóipeálaí, Donnchadh Mhac an Chléirigh, má ba é a cheap é,<sup>349</sup>

[81] Arna chríochnughadh Lá Fhéil' Eoin, an bhliadhain d' Aois an Tighearna 1758, le Donnchadh Mhac a' Chléirigh. Ataid uaim san leabharso uimhir *ceithre(?)* no c(h)uig cheud rann ar iolar n-aisdeadh n-iodhon, & an t-iomlán ar shnuadh *ar d[h]ath foghluma*, ar mhodh *nach* ceisd órm an té is fearr aithne do thabhairt radhairc orra, *ar fós ní gúais leam tathaoir dh'fhaghail da ttáobh*, mur bhfuil litir faoi no uas ceann corrfhoc(h)ail úair éigin go hannamh úaim, tre dhaith dearmuid: cas sin ba túathlaing leam, maille rainn lochdach dhrong oile do leasughadh gidh be aisde a mbéithdis; a ccás go

---

<sup>348</sup> Taobh amuigh d'Fhiachra Mhac Bhrádaigh, Matha Mac Giolla, Uilliam Mac Néill, Toirdhealbhadh Mhag Uidhir, Proinsias Ó Caiside, Pádraig Ó Loingsigh, an tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, Pádraig Ó Pronntaigh, Eoghan Ó Raghallaigh, Toirdhealbhadh Ó Raghallaigh, agus Risteard Tuibear, baineann na fir eile leis an 19ú hAois.

<sup>349</sup> Féach colafoin 44, 45 thuas.

mbeith *dearmad* uaim ní híonghnadh é, doigh as follas gur as mo cheann féin amháin gan cunnamh leabhur no eagnaídh do sgríobhamh, 7c<sup>n</sup>, 7c<sup>n</sup>, 7c<sup>n</sup>.<sup>350</sup>

Ní hannamh go bhfeiceann muid, i lámhscríbhinní na 17ú hAoise, tagairtí do na cóipeanna a bhí roimh an scríobhaí a bheith bearnach nó mísháuil,

[82] Ní b[h]fuarus anisa mho don dansa sa ccartaigh 7 da b[h]faghainn do sgríobheobhai<nn>.<sup>351</sup>

[83] ... Bruigheann Cháorthuinn go n-uige sin do réir mur fúair misi í, 7 a leithóir gabh mo léisgeal oir dá b[h]faghainnsi ní ba féarr í do churfinn an so í ... an 9mh la x don Marta 1722.<sup>352</sup>

[84] Ní bhfuarasa í [i bpeannaireacht eile:] go fóill 7c.<sup>353</sup>

[85] Ní *dearmhad* so *acht comhlíonadh* in bháin so, no ní as mó atá d'easbhaidh ar an tsheanchartaigh.<sup>354</sup>

Ar an taobh eile den scéal, tugtar le fios uair nó dhó sna lámhscríbhinní nár mheas an scríobhaí, sa deireadh thiar thall, gurbh fhiú leis an saothar a bhain le téacsanna áirithe a chóipeáil; féach an nóta a chuir scríobhaí amháin [? Brian Ó Mealláin] le dán,

[86] Ní fuaras an c[h]uid eile don dán so 7 ní maith liom é.<sup>355</sup>

Ó thaobh na Gaeilge de, ba ghnách do scríobhaithe na 17ú agus na 18ú hAoise gan scéal mór a dhéanamh don teanga féin; caithfear cuimhneamh air nach raibh sa teanga sin do chuid mhaith acu ach modh laethúil cumarsáide, ach léiríonn roinnt

---

<sup>350</sup> LPBF 34 (b), lch 23.

<sup>351</sup> LB SI. 3567, f. 33b.

<sup>352</sup> ARÉ 23N25 (563), lch 216. Cóip de lámhscríbhinn de chuid Fhiachra Mhic Bhrádaigh, 1722, a scríobh Eoghan Ó Conchubhair, Co. Chorcaí, 1834.

<sup>353</sup> ARÉ 24L36 (131), lch 15. Dán ar lár i scéal.

<sup>354</sup> ARÉ 24P5 (93), lch 488. Míníonn seo bearna dhá leathanach.

<sup>355</sup> CT H.4.10 (1351), lch 11. Is é *Do b[h]í an domhan fo dhallc[h]iach* an laoi a bhí i gceist aige. Is féidir gurbh é an Brian Ó Mealláin a shínigh an lámhscríbhinn an scríobhaí, agus gur grafadh an lámhscríbhinn ag tús na 18ú hAoise, nó go gairid roimhe sin [? agus i gCo. Thír Eoghain]. Féach nóta 66 thuas.

scríobhaithe chomh fada siar le haimsir na bPéindlíthe tuiscint éigin ar an dóigh a raibh úsáid an Bhéarla ag teannadh ar an nGaeilge an tráth sin, fiú,

- [87] An Teagasg Criosdaigh airna sgríobhadh mbliaghuin d’Aoís an Tighearna 1736, agus an dara la da ngoirthear ansa teangaidh chleasach na Bearladh Iune. Is claidhte  $\gamma$  is bocht an cás do áon neach da bhfúair ní air bith do fhios léighinn,  $\gamma$  nach fios dó theangaidh dhuthchais fein do léughadh no do sgríobhadh;  $\gamma$  ar an ádhbhar sin badh chóir do gach duine againn ina bhfuil tuigse ansa teangaidh cheadhna, cuideadh rena cheile ionnus go dtiubhramaoís í chum úsaide ris, ó do chailleamur i re foirneart éiriceach.<sup>356</sup>
- [88] Eóin O Fionnógáin m’ainm a nGaoilig,  
ar an mBéarla ní bhfuilim líomhtha,  
san teanga fuaras ó mo mháthar  
fáigfad mo láimh sgríobhtha.<sup>357</sup>

Cuimhneofar air gurbh ábhar buartha d’Art Mac Cumhaigh (*ob.*1773/8) ‘caismirt Bhéarla’ a chluinstin ‘i mbeol gach aoin’ i mBaile Átha Cliath, agus níorbh fhada gur ráinig sé croílár Oiriaila, óir tá lámhscríbhinní na 19ú hAoise lán le tagairtí do bhás agus d’athbheochan na Gaeilge. An sampla deiridh a tugadh thuas, baineadh í as lámhscríbhinn a ghraf Eoin Ó Fionnagáin i gCo. na Mí sa bhliain 1821, ach is ábhar díorthaithe arís é. Baineadh an rann seo as eiseamláir lámhscríbhinn Eoin, ARÉ 23K24 (59), agus ba é Labhrás Mhac Con Allaidh a cheap é gar do Ráth Tó sa bhliain 1765, mura raibh seisean féin ag tarraingt ar sheanleabhar eile. Duine thar a bheith gníomhach i dtaobh scríobh na teanga ab ea é Labhrás, mar is follas óna liacht lámhscríbhinní dá chuid atá againn ó na blianta idir 1762 agus 1767, agus ó na rainn a chuireadh sé leo thall is abhus díreach lena maisiú,

- [89] A cceól no n-imirt ní minic a bhí mo spéis,  
acht a seóladh an pheanna ann gach siolla go díreach réidh:  
ag sin an ceól is binne ’s as grinne dar liom féin,  
’s a’ ceól nach millionn duine da airde céim.<sup>358</sup>

<sup>356</sup> ARÉ 23I30 (416), lch 1. Muiris Ó Gormáin a scríobh in aois a óige.

<sup>357</sup> ARÉ 23O79 (1388), lch 87. Tá an dáta 1821 ar an leathanach faoi dhó.

Gheofar rann eile den chineál seo sa bheathaisnéis a thugtar ar Labhrás i gCaib. 2.55. Nach maith a léiríonn siad gur chineál d’adhnó a bhí i saothrú na Gaeilge scríofa an tráth sin cheana féin? D’fhág duine praiticiúil anaithnid de lucht comhaimsire Labhráis an chomhairle mhaith seo aige i scríbhinn, díreach tar éis an dáin a priontáladh thuas,

[90] Then Laurey McNally,  
I contend it’s a folly,  
for here I will give you a caution—  
Take better care,  
And walk in the air,  
Or else the tomb will be just y<sup>r</sup> portion.<sup>359</sup>

B’fhéidir nach iontach an ní é nach raibh gach aon scríobhaí chomh fonnmhar leis an obair mhall agus a bhí Labhrás. Gearáin i dtaobh na hoibre ar bhí ar siúl ag na scríobhaithe is mó a bhíonn i gceist acu, mar a chonaic muid cheana, ach is minic fosta a bhíonn siad ag déanamh gearán faoina thuirsi agus atá siad, nó faoi nithe saolta eile a bhí ag cur isteach orthu agus iad ag scríobh,

[91] Arna sgríobhadh le Riosdard Tuibear an *seachtmhadh* lá déug don Athbhráoin; agus an bhliaghain d’Áois an Tighairna 1717. Óch ataim tuirseach da sgríobhadh.<sup>360</sup>

[92] Leor *sin* no go ttí *uair eile* ó Énri O Caiside an *tosmhadh* [leg. *tochtmhadh*] la do mhí June 1675.<sup>361</sup>

[93] Sguirim agus oidhche Lúain agam *nó* go ttí lá oile.<sup>362</sup>

---

<sup>358</sup> LB Add. 34119, f. 84.

<sup>359</sup> LB Add. 34119, f. 84b.

<sup>360</sup> LB Eg. 106, f. 87b; i gcló cheana sa *B.M. Cat.*, ii, 334.

<sup>361</sup> ARÉ E.iv.2 (995), lch 24.

<sup>362</sup> ARÉ E.iv.2 (995), lch 42.

- [94] Ni b[h]fuil níos mo go lá, or ataim tuirseach o t[h]riblo<id> an tsaoghail, 7 ni hiongnadh dhamh é, 7 ni eile fos ata codhladh orm.<sup>363</sup>
- [95] Leór sin go ttrasda 7 mé rothuirseach.<sup>364</sup>
- [96] ... Táim sgítheach don obairsi.<sup>365</sup>
- [97] Ochón, a D[h]íá, gan misi is mo c[h]íall.<sup>366</sup>
- [98] Go de an gar damh.<sup>367</sup>
- [99] Cuid dair chal me le mo fholuim, is tru<a>gh nach ttuig [= nach dtug] me é air edach.<sup>368</sup>
- [100] Criochnam anso an Craobhsgaoladh Fhorais Feasa ar Eirinn a ccion treim[h]sa fhada tar eis a thionsgnadh. Finis. Guidheam beannacht on leighthar don tuaghchleireach .i. Art Mhac Bionaighacht air an Bhale Chaol a bhfairche Thuiligh an Ghlacan & a ccoinnda Ard Mhacha. Airna criochnam[h] an t-ochtmdhadh la fichicht da mhí September mile agus ocht ccead agus nao mbliaghna air mhochaid. 1819'.<sup>369</sup>
- [101] This Irish writing is a tedious employment.<sup>370</sup>

Chonaic muid cheana gur nós le roinnt scríobhaithe tarraingt ar nótaí agus ar cholafoin a fuair siad sna seanleabhair a bhí rompu, agus go gcóipeálann siad iad focal ar fhocal amanna, sa dóigh nach mbíonn ach nótaí díorthacha i gcuid de na colafoin seo a bhfuil amhras an nóta phearsanta orthu. Sampla iontach soiléir de seo is ea na nótaí, agus iad uilig ar scáth a chéile, a chuir beirt scríobhaithe lena gcóipeanna de ‘Cath Muighe Léana’, a shíolraíonn uilig, ar dhóigh amháin nó eile, ó *Leabhar Gearr na Pailíse*. Ba iad Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear na

<sup>363</sup> LN G448, lch 119. Conchubhar Ó Luínín [1] a scríobh, 1711-12. An saothar deiridh atá againn óna láimh.

<sup>364</sup> ARÉ E.iv.2 (995), lch 29.

<sup>365</sup> ARÉ 24P4 (92), lch 121. Pádraig Mac Oghannáin a scríobh, 1687.

<sup>366</sup> CT H.4.10 (1351), lch 32. Benardus Mellanus (.i. Brian Ó Mealláin) a scríobh, b’fhéidir.

<sup>367</sup> Nóta léitheora le cóip de ‘Críocha Déanacha an Duine’ (an dán) in MN R73 (a), lch 106.

<sup>368</sup> LB Eg. 161, f. 145v. Labhrás Mac Giolla Earna a scríobh, 1788, agus Roibeard Mhag Uidhir ag cuidiú leis.

<sup>369</sup> LN G536, lch 335. Féach an pláta in Ó Buachalla (1979: os comhair 348).

<sup>370</sup> ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 9.



graifneoirí, beirt scoláirí a bhí in ann iad féin a chur in iúl go héifeachtach ar pháipéar,

[102] *Cona í sin Ionnsóigh Mhoighe Léana go n-uige sin ⁊ adearuinn a beith meabhlach muna mbeadh eagla Mhaoilmhuire Dhuibh mhic Donnchaidh Mhic Suibhne oram .i. Mac Suibhne Fanud. Finis an 9mh la don mí November, an b[h]liadhain d' Aoís an Tighearna 1714.*<sup>371</sup>

[103] *Cona i sin Ionnsóigh Mhoighe Léana go n-uige sin ⁊ adearuinn a beith meabhlach muna mbeadh eagla Mhaoilmhuire Dhuibh mhic Donnchaidh Mhic Suibhne oram .i. Mac Suibhne Fánuid. Finis an 25 la don mhí Nobhember an b[h]liadhain d' Aoís an Tighearna 1715.*<sup>372</sup>

Is cineál de thátal air sin colafon Aodha Uí Dhálaigh leis an scéal, agus d'fhéadfadh sé gurbh é colafon Risteaird thuas a bhí ar intinn aige,

[104] *Iarna athscríobhadh la hAodh Ó Dalaigh, 1746, Iuil, ⁊ adeir in scrib[h]neoir roimhe go raibhe baidh la Muimhneachus insna madhma so Chuinn ⁊ Eogain mair ata annso scríobha. Uime sin go raibhe meabhlach ⁊ muna mbeith a f[h]aitchios roimhe Maolmuire Dhuibh m[h]ic Donnchadh Mic Suib[h]ne Fanait go nochtach in meabhail.*<sup>373</sup>

Sampla eile den dóigh a ndéanadh scríobhaithe athmhúnlú ar cholafoin. Is mó acu atá ina nótaí nádúrtha ar nithe a rith leis na scríobhaithe, agus iad ag obair leo. Deir scríobhaí de chuid Cho. Ard Mhacha, Eoghan Carrach Mac Conmhaoil a bhí ag scríobh in Ucht Leacain sa bhliain 1668, go ndeachaigh sé thar chuid mhaith ginealach a fuair sé i seanleabhar gan iad a chóipeáil toisc go raibh siad 'fada rena sgríobhadh'.<sup>374</sup> Ag deireadh rann eile sa lámhscríbhinn chéanna, déanann sé gearán beag eile,

[105] *A Dhia nac[h] bfuil piopa tobac agam.*<sup>375</sup>

<sup>371</sup> ARÉ 23K37 (b) (152), lch 70. Seon Mhac Solaidh a scríobh. I gcló san *R.I.A. Cat.*, 435.

<sup>372</sup> LB Eg. 106, f. 16. I gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 330.

<sup>373</sup> ARE D.iii.2 (619), lch 235.

<sup>374</sup> CT H.4.31 (1372), f. 40v.

<sup>375</sup> CT H.4.31 (1372), f. 16. Tá tagairt eile aige don tobac a bheith de dhíth air ar f. 43v.

Meascán nótaí spéisiúla eile,

- [106] Sguirim iar cclos báis hSile Ni Gorainn an *ceathramhadh* lá do Mhí Ianuarii 1665.<sup>376</sup>
- [107] Is fliuch an la niug[h].<sup>377</sup>
- [108] Mo mhallacht do na dreanccoidibh, 7 do <mhui>ntir an airgid teallaigh uaimsi. Philip <Ó Ciar>bhalláin, 8<sup>o</sup> Martii 1675.<sup>378</sup>
- [109] This small & profitable treatise was rescribed by me when a little rest inter arandum de die did offer. Corm: m<sup>c</sup> Pharlane. March 169<sup>7/8</sup>. Vale.<sup>379</sup>
- [110] Sínsireacht ni ghabhann ceart, etc.<sup>380</sup>
- [111] Ni misi an t-amadan mor, mac an ridire, dalta na banaltra.<sup>381</sup>
- [112] Sirim ar Dhia ciall & tuigsi, taim ar misce. Leoir sin o do dhuine fe<in>ead[h]on Seoirse O Duind.<sup>382</sup>
- [113] Truagh mar atáim, 7 gan furtacht damh adhail o curudh ar sáile Sémus, acht ag osna go brath.<sup>383</sup>
- [114] Gurab i sin Bruighean Chaorthuinn co n-uige sin. Airna sgríobhadh le Pádraig O Doibhlin an bhliadhain d' Aois an Tighearna, 7 an t-aonadh bliadhain deag do fhlaith Seoirse, Rígh Breatainn, Eireann, Alban 7 Frainc, cosantoir an chréidimh. 1727. Finit.<sup>384</sup>
- [115] As olc an c[h]ulaith scríobhneoreacht go spisialta do bhrigh gur d(t)eacur do fhear mo thinnis scríobhneoracht do dheanamh.<sup>385</sup>

---

<sup>376</sup> LB Sl. 3567, f. 46b.

<sup>377</sup> CT H.4.31 (1372), f. 40v.

<sup>378</sup> MN B7, lch 62.

<sup>379</sup> CT H.5.3 (1375), lch 154. Colafon le tráchtas Béarla.

<sup>380</sup> CT H.5.3 (1375), lch 162. An chéad líne den dánfhocal coitianta, a bhfuil cóip de in O'Rahilly (1921: 58).

<sup>381</sup> CT H.4.14 (1355), lch 202. Seoirse Ó Duinn a scríobh, ag deireadh na 17ú hAoise, nó go gearr ina dhiaidh sin.

<sup>382</sup> CT H.4.14 (1355), lch 204. Nach spéisiúil an ní é gur cumadh dán bainise c.1645 i gCúige Uladh inar tugadh an dá líne sin focal ar fhocal—féach línte 12cd san eagrán den dán *Slán má do phósadh, a Dhomhnuill Mhég Nosa*, 'sirim ar Dhia ciall is tuigsi, / táim ar misge', in Griffith-Wilson (2010: 438).

<sup>383</sup> LB Eg. 170 (a), f. 4.

<sup>384</sup> LB Eg. 164, f. 179. An nod a sheasann in áit an fhocail *Pádraig* thuas, P<sup>n</sup> [= Pra], féach an plé a dhéantar air sin i nóta 2418. Tá giotáí eile sa pheannaireacht chéanna sa lámhscríbhinn chéanna, sínithe ag 'Padruig O Doibhlin', LB Eg. 164, f. 105.

<sup>385</sup> OCH 498, lch 145. An tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill a scríobh.

- [116] Aige so leabhran Bhrian Ui C[h]athalan *iarna* sgríobhadh les fein *arna* eiseirghidh on b[h]fiabhras *ar* an chead la don mí na Mátharta ... 1774.<sup>386</sup>
- [117] Is truagh an t-ean a thead leis phean ...<sup>387</sup>
- [118] Nial 'is agam fost an b[p]osamh Maire me, ach fuireadh go foil ce phosamh Maire féin.<sup>388</sup>
- [119] Christopher Andrews his book ... Pray good the people do not eat it.<sup>389</sup>
- [120] Goñadh í sin Tóruigheacht Dhiarmuid agus Ghráine co n-uige sin; agus éirghe súas, a Mhuiread, <sub>7</sub> tabhair an buideal leat anuas anso ag Pedar Ua Dalaigh, oir tá se corrtha tinn.
- Agus a léightheóir ghrádhaigh, cur do phaidir  
dochum Mhic Dé air son *Peadair*;  
os tusa feiñ nach bhfuil sáirigh,  
guidh go géir *ar* añam Dhalaigh.  
O thugas Tóruidheacht Dhiarmuid dhuitsa  
iar <th>usa trócaire o Dhia *air* mo shonsa.<sup>390</sup>
- [121] Air maidin De hAoine, an fithadaibh la do mhí August 1830, fuair Elenor bás; go ndeanai[h] Righ na nGrás trocaire air anam an Elenor rimhrataigh. Amean.<sup>391</sup>
- [122] Longinus ainim an fhir do sgoilt taobh an Ard-Ri(?). Is beannaigh' an nidh do thainic as, fuil, fíon agus fíoruige. An ainim an Athar, stop an fhuil agus an Mhic táraidh, agus an Spiorad Naomh. Amen. O! a Thighearna, stop an fhuil so ata ro-threan. Amean.<sup>392</sup>

Do chuid mhaith de scríobhaithe na 18ú hAoise nach bhfuil a dhath ar bith ar eolas againn fúthu féin, is iad na nótaí beaga seo an t-aon spléachadh a fhaigheann muid ar

<sup>386</sup> COBÁC A39 (a), lch 30.

<sup>387</sup> COFLA L12 (b), lch 156. Éadbhard Ó hEachaidh a scríobh, 1788-92.

<sup>388</sup> COFLA L12 (b), lch 167. Donnchadh Mag Oireachtaigh a scríobh, 1788-92.

<sup>389</sup> ARÉ 3C4ii (1019), f. 74. Dátaí: 1808-10.

<sup>390</sup> ARÉ 24P31(2) (1075), lch 390. Is í a bhean féin, Margaret Maxwell, atá i gceist ag Peadar Dubh Ó Dálaigh anseo. Féach an bheathaisnéis a scríobhadh ar Pheadar Dubh Ó Dálaigh i gCaib. 2.145.

<sup>391</sup> BCM 11, lch 52. Mícheál Mhac an Bhaire a scríobh. Ní fhaca mé an lámhscríbhinn féin, agus is éard a thugaim anseo, agus i gcolafon 122, na sleachta a thugtar in Nilsen (1985: 5, 7). Tá eagarthóireacht déanta agam ar an bponcaíocht, óir leanann Nilsen poncaíocht na lámhscríbhinne. Tá cóip eile den nóta seo ar lch 159. Ní fios dom cérbh í an Eleanor seo, ach is dóigh gur dhuine de mhuintir Mhic an Bhaire í.

<sup>392</sup> BCM 11, lch 101. Féach nóta 391 thuas.

an duine a bhí ag láimhseáil an phinn. Dhealródh sé gurbh fhearr leo, murab ionann agus an lucht a tháinig ina ndiaidh, gan Béarla a úsáid, agus is minice iad ar a suaimhneas le scríobh na Gaeilge féin. Níorbh annamh dóibh fosta, iarracht a dhéanamh ar a gcosaint féin nuair a mheas siad nach raibh an scríbhneoireacht a bhí curtha díobh óna lámha sásúil ar dhóigh amháin nó eile,

[123] Is olc an begán scribhneoracht sin. Amen.<sup>393</sup>

[124] A léight[h]eoir mhilis a thúigeas go saimh *gach sdair*,  
gaibh fein mo leithsgeal *air* olcas mo laimh, is mo bheil  
mo dhioghailt do rineas *gach* siolla chuir sios go *ceart*  
g(h)uidhe *air* Mhicáil go bhfuídhe se beo na bhfeart.<sup>394</sup>

Tugann na nótaí tráchta beaga seo le tuiscint, ar a laghad, nár cheart do Bhreatnach (1961), mar shampla, a áiteamh nach raibh gné ar bith den chritic iontu,<sup>395</sup> agus nárbh fhéidir leo cóipeanna maithe agus místuama a aithint óna chéile, ná nár fhéad siad cur leo nuair a measadh leo go raibh gá lena ‘bhfeabhsú’.<sup>396</sup> Ba chóir gur leor

<sup>393</sup> CT H.5.3 (1375), lch 46. Cormac Mac Parthaláin a scríobh, 1696-7/8.

<sup>394</sup> CM L6(1), lch 192. Ba é Mícheál Ó Murchadha an scríobhaí.

<sup>395</sup> A chuid briathra, ‘This applies *a fortiori* to Irish men of letters, especially to those of them with whom we are concerned. They copied almost any written matter that came their way, invariably uncritically, often unmethodically, and sometimes without any real understanding of the text. We must be grateful, however, that they were influenced more by reverence for the *seanúdair* than by any realization of the limitations of their own knowledge, because otherwise a great deal would have been lost irrevocably. One consequence of their indiscriminate industry is that many MSS. resemble scrapbooks of miscellaneous matter compiled from random sources. A favourite name of their own for such was *Bolg an tSoláthair*. Unfortunately, in so far as the principle of ‘faithful transmission’ is concerned, it is not always a characteristic of their work. Amongst the less reliable scribes was one Hugh O’Daly who wrote many MSS. for a Fellow and Professor of Trinity College, Dublin, named Francis Stoughton Sullivan’ (Breatnach 1961: 139–40). Ach is annamh a fheiceann muid cóipeanna dílse de lámhscríbhinní taobh amuigh den ardchathair (eisceacht—ARÉ 23I32 (417) a cóipeáladh as OÉG H23, ar cóip í, cuid mhaith, de LPH 12065M(1) le Bháitear Ó hEisleanáin), rud ba thoradh nádúrtha ar theoiric Bhreatnaigh. Nó ní fheiceann muid go minic lámhscríbhinní ina bhfuil sraitheanna fada téacsanna a baineadh in aon cháil as lámhscríbhinní áirithe eile, agus iad san ord céanna iontu (eisceacht—an chuid de ARÉ 12E25 (908) a baineadh as LPH 12065M(1)). Tá sé intuigthe ó chuid mhaith de na lámhscríbhinní atá againn nach bhfuil iontu ach roghnú ionadaíoch de théacsanna, ní a léiríonn nach raibh na scríobhaithe ag cóipeáil rud ar bith a tháinig ar a ngar.

<sup>396</sup> Léiriú eile nárbh inill chóipeála iad na fir seo an litir a chuir Tadhg Ó Neachtain chuig Seán éigin, a athair Seán Ó Neachtain, is dóigh, ar an 14 Iúil 1725, ní a thaispeánann go ndéanadh na scríobhaithe cinntí faoi na téacsanna ar chóir iad a shábháil. Tá an litir in ARÉ 23M4 (332), lch 1.

Sheoin c[h]léibh, breathnuigh an *beagán* sin do *bheatha* an 5 Sicstus, 7 ma m[h]eastar ribh gur fiu an comhradh ata *ann*, an chuid oile don *bheatha ceadna* do scríobha, re toil Dé

dúinn an méid sin léamh difriúil a fhaigheann muid ar théacsanna, saothair phróis ach go háirithe, lenár sásamh ar an bpointe sin, ach tá faisnéis chruinn againn go raibh na scríobhaithe feasach go maith ar na lochtanna a bhí i gcuid den litríocht a bhí á cóipeáil acu. Féach, mar shampla, an réamhrá seo a chuir Risteard Tuibear lena chóip de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ sa bhliain 1713,

[125] Chum an léaghtheoir a ón Sgríobhneóir,  
 Is ínmheasda nach duine gan déighbheasa, no fear gan foghlum, no Críosduíge gan cháondúthracht, no sagairt gan sáirfhios, no dochtúira gan déigheolus do chuir roime an tíomsach trómshocrach so do chur a n-*eagair* & a n-órdúighadh do chosnámh cirt 7 corá an chréidimh Chatoilice a n-*aghaidh* na n-eiriceadh n-áinbfhiosacha do chuir *reámpa* an tÁithfrionn do chuir *ar* gcúil, contrárdha do cheadfaidhe chóitcheann na hEagluise 7 na nAithreacha Naomhthá go huilídhe, & do bhríogh nách *ar cuireadh* a gclódh an obairsi riamh san gcríchsi *acht* ’fhágbhail taoibh ris na sgríobhneóiribh; & go bhfuilid móran acasóin gan sgáith ar sgríbhinn do mhilleadh & do mhíochórúghadh: cúid tré ainbfhios 7 cuid oile tré shíorbhuairleadh na háimsire dá gcorruíd[h]e da ccur *ar seácmoll*, ionnus go bhfuil iomad earráide & aisdrighthe *ar fhuirm* 7 *ar fhoclaibh* san leabhar so; cidh nách don úghdair thainic éin ní dhé sin; *acht* don druing adúbhramair thúas. Ar an adhbhairsoin sirim d’aisge, & d’áthchuinge ort—a léaghtoir ionmhuin lénab áil an *tracht* so síos do léaghadh & do léirmheas—gan breitheamhnus meardhána do thabhairt *air* an úghdair gcéadhna tré ní *ar* bíoth neamhshoc(h)rach da bfuil annso; óir do frómhadh an fear so go foirfé ré foghlum a n-iltheangthibh na cruinne go comhlán & ba máith a c[h]reidiómh & a chrábhadh & ba díadháire dearsgnúige é ionnus nach diongmhála neach fá a léignibh do lochtúighadh, 7 mar sin gabhaim *cead* agad & gabh mé a *measg* cáich mar d[h]uine néimhchionntach—ó thoil—san obairsi.  
 Riosdaird Tuibear. 1713.<sup>397</sup>

Chomh mall le lár na 19ú hAoise, tchíonn muid scríobhaithe ar nós Pheadair Uí Ghealacáin ag déanamh athruithe móra ar théacsanna a tháinig ina dtreo—deir Peadar áit amháin i dtaobh dáin a chum Peadar Mag Ualghairg, b’fhéidir, ‘It was

---

scríobhfam é, 7 muna fiú do réir bhur mbreathnughadhhsa, caithfead(h) bátha *ar* an scribhinn go huile.

Do sheirbhíseach,  
 Tadhg Ó Neachtúin.

Iuil 14, 1725.

<sup>397</sup> LN G361, lch xiv.

composed in a very promiscuous manner, but I have endeavoured to render it as correct as possible by consulting authors on chronology. It cost me a whole week to revise the same'.<sup>398</sup> Níorbh é Ó Dochartaigh (1982: 6) an t-aon duine a thug ‘poetic urges’ Pheadair, mar a thugann sé orthu, faoi deara. Thioctadh le Peadar, áfach, a bheith iontach cúramach agus dflis don tseanscríbhinn nuair ba ghá sin dó; féach an chóip a rinne sé de MN B1 mar léiriú air sin, agus nótaí fágtha aige san eiseamláir a thaispeánann gur chuir sé de dhua air féin dul siar agus a chóip féin a chur i gcomórtas leis an eiseamláir, toisc gur chreid sé gurbh é Peadar Ó Doirnín a scríobh í, is dóigh. Nó tchíonn muid áit eile go ndéanadh sé cóipeanna dílse de théacsanna dá phátrún, Roibeard Mac Ádhaimh, agus a rogha féin leasuithe ar chóipeanna de na téacsanna céanna a scríobh sé dó féin ina dhiaidh sin. Is d’fhillíocht Aodha Mhic Dhomhnaill [2] atáthar ag tagairt go speisialta anseo. Ná ní hé gur leor seanchóip ó scríbhneoir barantúil do scríobhaithe áirithe, nuair a mheas siad na téacsanna féin a bheith lochtach nó bunoscionn le foinsí eile—féach na nótaí tráchta atá againn ó láimh Éadbhaird Uí Eachaidh le cóip Phádraig Uí Phronntaigh de ‘Eachtra na gCuradh’,

[126] ’S iad so bréugaibh doib éugsamhlaighthe do scríobhadh airíamh. Eadb[h]art  
Ua hAchaidh.<sup>399</sup>

Agus an rann seo ar an ábhar céanna aige áit eile,<sup>400</sup>

[127] Ní cíallaidh gach bréugsdair ta síos *air* ndíaidh,  
's ní thoghfainn a léigheadh arís *ar* ndóigh;

<sup>398</sup> DE Gen. 43D, lch 528. I gcló in Ó Muirgheasa (1933: 148; 2015: 309).

<sup>399</sup> ARÉ 24P7 (95), lch 135. Nóta i láimh Éadbhaird Uí Eachaidh ar chóip de ‘Eachtra na gCuradh’ a scríobh Pádraig Ó Pronntaigh.

<sup>400</sup> Nóta teicniúil eile uaidh—‘Adeir Céitin go ndearnaigh Conall liothraid d’inchin Mheisgeartha léar thuit Meadhbha Chruachain’, ARÉ 24P7 (95), lch 55.

Níl sé seo ceart. Is é rud a deirtear in ‘Foras Feasa air Éirinn’ gurbh é Conall a d’iarr inchinn Mheisgeadhra mar mhír churaidh, agus gur bhuail Ceat buille cinn ar Chonchubhar le hinchinn Mheisgeadhra nuair a theilg sé óna chranntabhail í. Maraíodh Meadhbh le cloch a theilg Forbuidhe óna chranntabhail, agus pléitear an dá scéal seo taobh lena chéile, beagnach, in ‘Foras Feasa air Éirinn’. Taispeánann an méid sin, cibé rud é, gur léigh Éadbhard Ó hEachaidh cuid den saothar.

más peácamh na breuga o táid a ccríagh,  
an starrthaigh 's an scríbhneóir, slán leó go deóigh.<sup>401</sup>

Chuir scríobhaithe agus léitheoirí nótaí le lámhscríbhinní i dtaobh na bhfear a ghraf  
iad; nótaí ginearálta atá i gcuid acu, agus cuid eile acu measartha pearsanta,

[128] Thomas O hOidh gan pheinn 7 [f]heoil.<sup>402</sup>

[129] The Lord God almighty have me<r>cy on your soul Thomas Conolan of  
Cregan Duff and County Armagh. 1798. Amen. ... Patrick Clarke his hand,  
1798, but P. Thomas P. Conolon's book writ<ten> by himself entitled 'The  
Life of St. Patrick' ...<sup>403</sup>

[130] *Banacht* Mhic Dé le hanam an te  
do sgraibh na starrat[h]a caon so;  
go robh se go seabh a bhflac[h]is Mhc D<é>,  
shinm *air* thedaibh cione ...<sup>404</sup>

[131] This book lately belonged to Hugh O'Neill, lately deceased.<sup>405</sup>

Ní ag guí ar son a chéile a bhídís i gcónaí. Is maith a léiríonn an tsraith dánta a cheap  
Art Mhac Bionaid ar Aodh Mhac Domhnaill [2] a bhí agus a shuaraí a bhí roinnt  
scoláirí Gaeilge lena chéile, nuair a bhídís ag iomaíocht lena chéile ar son pátrúin a  
fháil ach go háirithe; agus má ba ar Art a bhí an locht anseo, bhí sé tar éis a shamhail  
de sciolladh a fháil, má b'eol dó féin sin, bliain nó dhó roimhe sin ó Nioclás Ó  
Cearnaigh. Ba é Nioclás an té a scríobh i litir chuig Seán Ó Dálaigh (a bhí ag iarraidh  
beathaisnéis Pheadair Uí Dhoirnín a shocrú) i dtaobh Airt agus an Ath. Uí Luain, 'I  
dare say that Bennett and Lamb have told you many strange things about our bard;  
but this I say: if the "Ambo Arcades" spent so much time in seeking after truth and

---

<sup>401</sup> ARÉ 24P7 (95), lch 204. Éadbhard Ó hEachaidh a scríobh, agus a chum, is dóigh, an rann seo ina  
lámh mhaith fhoirmeálta.

<sup>402</sup> LN G231, lch 67.

<sup>403</sup> COFLA F1, lch i.

<sup>404</sup> ARÉ 23I4 (1198), lch 126. Tomás Stafford a scríobh go luath san 19ú hAois.

<sup>405</sup> COBÁC M22, fordhuilleog.

in studying their native language as they have been vile and mercenary instruments with bibles and spurious tracts in their hands ... they would know much better' (Ó Buachalla 1965: 144-5). Nuair a scríobh sé cuntas eile ar bheatha Pheadair cúpla bliain ina dhiaidh sin, in 1850, níorbh fhéidir leis gan fogha eile a thabhairt faoi Art, 'a man who ... is wont now and then, to bawl about "that he [= Peadar Ó Doirnín] was a native of Cashel, and came to the Fewes to avoid the rigor of the Penal laws!"' (Hughes 1987: 135). D'fhág scríobhaí ar beag eolas atá againn faoi, Eoghan Ó Dúiche, cuntas iontach spéisiúil againn faoin sotal agus faoin bhféinchúis a bhí le brath ar chuid mhaith scríobhaithe, agus is dóigh go bhfuair sé cur amach maith orthu le linn dó a bheith ag teagasc faoi stiúir an *Irish Society*:

- [132] Airna scríobhadh le Iaimh Eogain Uí Dhúightha an t-áoneamh la fichead do mhí na Lumhnasa, míle ocht gceud agus a sé fichead. 1826. Guibhean se beannac[h]t an leightheora chum e fhein agus *gach* neoch eile aige a bhfuil dúil 'san Ghéilge 'chur air leas a n-anma, agus a dtabhairt sábhailte go longphurt na gloire síorruidhe; agus fos a sabhail air a' tsaoíg[h]ailsa fein air iomthnuth *gach* arcan daoígheamhuil, a mheasis gurb e fein is uirde céidhm ansan fhoghluim, agus *nachar* bh'ail leis aon neoch deoch 'ól as t(h)jobriod na foghlumtha ach e fein, ge go bhfuil do ghnath a' snaoidhe as an tiobriod reimhráidhte leór dhóchain chaich gan esbhuigh agus fuídheal a bheith 'na ndiaigh uile.<sup>406</sup>

Tugann colafoin agus nótaí eile eolas luachmhar dúinn faoi thuairim an phobail mhóir ar an scríobhaí. Caithfear cuimhneamh air go bhfuil tagairtí againn do lámhscríbhinní a bheith á léamh do shlua, nó b'in a tuigeadh do bheirt a raibh an-chur amach acu ar thraidisiún dúchais an Deiscirt, Standish Hayes O'Grady agus Seán Pléimeann, agus iad ag scríobh sna blianta 1857 agus 1874: tuigeadh do

<sup>406</sup> de Brún & Herbert (1986: 43); C Add. 4436 (19), f. 3.



Francis Keane gurbh ionann an scéal i gcás an Tuaiscirt.<sup>407</sup> Diomaite de nach éasca teacht ar mhórán eolais ina thaobh sin i gcás an cheantair seo againne, is dóigh gur féidir a thuiscint ón dóigh a n-iarrtar ar an léitheoir, agus ar an éisteoir fosta, guí ar an scríobhaí i gcuid mhaith colafon go ndéantaí amhlaidh sa taobh seo tíre, díreach mar a dhéantaí i gCúige Mumhan, mar a thug Bruford (1969: 55-8) le fios. Is é an nóta is sine atá ar eolas agam a dhéanann tagairt dhíreach don éisteoir an colafon a cuireadh le cóip de ‘Agallamh an Anma agus an Choirp’, a grafadh áit éigin i gCo. Lú, nó i gCo. Mhuineacháin, b’fhéidir, sa bhliain 1681,<sup>408</sup>

[133] ... 7 guidhim Dia uilechumhachtach go ttigidh leam féin agus le gach duine oile leighfios so agus chifeas no c[h]loisfeas é mur an cceadna teacht ona (?) leithid sin do c[h]rioth do chur ar ar mbeathaidh, Amen. An dara lá do m[h]í November M.DC.LXXXI.

Tabhruigh *gach* aon leighfios an t-agallamhsa an Anama 7 in C[h]uirp, Mile <b>eandacht ar anmuinn an ghraif<...>

[134] Guidhim *gach* aon leighfios, no eis[t]fiós guidheadh ar an sgríob[h]neoir .i. Feidhlim Uí Neill.<sup>409</sup>

Ábhar cráifeach atá i gceist i gcás an dá cholafon thuas, ach ní mar sin a bhíonn i gcónaí. Is le hábhar saolta a bhaineann an colafon deiridh a thabharfar anseo, cé go bhféadfaí teacht ar na scórtha eile acu,

[135] Íarna sgríobha le Philip mhac Proinsias *mhic* Oiluin *mhic* Philip Buídh *mhic* Néill Ruaidh Uí Chaiside, 7 *gach* neach leaghfeas no easdis leis an stair so guidhid siad *air* anmanaibh Purgadoir 7 go spéisialte *air* an sgríbhineoir reimhraithe san *mbliag[h]ian* d’Aois an Tighearna, Jan<sup>v</sup> 25<sup>th</sup> 1777, seven.<sup>410</sup>

<sup>407</sup> Tá plé iontach mion déanta ar an gceist seo ag Bruford (1969: 55-68), agus tá na sleachta atá i gceist go díreach agam le fáil ag Bruford (1969: 56-7, 59). Ba in O’Grady (1857: 29) agus in ARÉ 12Q13 (1126) a fuair sé iad.

<sup>408</sup> ARÉ 23D3 (502), lch 137. Maidir le ceangal na lámhscríbhinne seo, más fíor, le Co. Lú, féach an *R.I.A. Cat.*, 1448-9, agus Caib. 1.4.1.1 thíos. Tá dán le Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird istigh sa lámhscríbhinn ar lch 92.

<sup>409</sup> OCH 498, lch 58. Fuair an scríobhaí bás idir 1744 agus 1748; féach an cuntas air i gCaib. 2.199 thíos.

<sup>410</sup> OB G2, lch 38.

Ceann de na nótaí is spéisiúla den chineál seo, agus an ceann is soiléire ó thaobh na ceiste idir lámha againn, is ea é an nóta a thugtar ag deireadh an scéil ‘Eachtra Chaoil an Iarainn Mac Ríogh na Teasáile agus Bodaigh an Chóta Lachtna’ in ARÉ 23A32 (786). Ba é Peadar Ó Ruadháin (*fl.*1755-76) ó Cho. na hIarmhí, meastar, a scríobh é, agus an chuma air gur ráiteas foirmeálta é a deireadh an scríobhaí seo don phobal (nó don duine aonair) a bhí roimhe nuair a bhí an scéal léite os ard aige,

[136] *Aig sin dhibhse a dhuine / dhaoine maithe ata ag eistacht liom 'réir mur fuair mise roam e 7 mas donna 'ta se agamsa anocht go m[b]o seacht ndona no sin do bheis se agaibhse san aoitheche 'mairach. Airna sgríobha le Pedar O Ruoghenn chum 'usáide, 1758.*<sup>411</sup>

Ó tharla gur le mionlach pobail a bhain na scríobhaithe toisc iad a bheith in inmhe Béarla a léamh agus a scríobh, fiú, ní beag an t-iontas é go bhfaigheann muid dréachtaí de cháipéisí dlí, agus, go mórmhór, nótaí gealltanais, ar imill na leathanach sna lámhscríbhinní, nó caite isteach iontu ar dhuilleoga fáin. Is fiú aird faoi leith a thabhairt anseo ar fhógra deachún atá taobh istigh de chlúdach tosaigh ARÉ 12E25 (908), agus an síniú Patt Blake (cóip) leis, cé gurbh é scríobhaí na lámhscríbhinne féin, Séamus Mac an Ultaigh (*fl.*1753-76), a ghraf é. Ó tá an cháipéis ar comhaois leis an lámhscríbhinn féin, agus toisc go bhfuil an Béarla atá ann giota beag bladhmannach agus iomarcach ó thaobh stíle de, níl sé soiléir amach is amach cé acu is cóip í de théacs a thug an scríobhaí leis mar theimpléad, nó ba eisean a cheap an píosa do dhuine dá chomharsana sa chéad áit. Ligeann sé dúinn, ar aon nós, an scríobhaí a cheangal le hOirthear Cho. na Mí, ó tharla go luaitear an log Baile an Phrútaigh ann. Tá dréachtaí agus cóipeanna glana de nótaí gealltanais ag Peadar Ó

---

<sup>411</sup> ARÉ 23A32 (786), lch 268.

Gealacháin agus Muiris Ó Gormáin ina gcuid lámhscríbhinní,<sup>412</sup> agus san iliomad eile lámhscríbhinní nach n-áireofar anseo; sin agus conarthaí neamhfhoirmeálta (ceann acu a bhaineann le teagasc mac léinn), fógraí i dtaobh na gCúirteanna Gearra agus na Seisiún Ceathrún,<sup>413</sup> dréachtaí de chomhaontuithe agus léasaí, agus iad scaipthe ar fud na lámhscríbhinní.<sup>414</sup> Teimpléid atá i gcuid mhaith acu, agus fághtar bearnaí iontu corruair, áit ar cóir ainmneacha, logainmneacha agus dátaí a scríobh. Ní bhíonn na téacsanna seo dáiríre i gcónaí.<sup>415</sup> Baineadh leas as ceann nó dhó acu le clúdaigh lámhscríbhinní a láidriú, ARÉ 12E25 (908) a luadh cheana, agus an Conradh sin i láimh de chuid na 17ú hAoise atá in CT H.4.11 (1352).<sup>416</sup>

Is féidir fós go dtiocfar ar ainmneacha scríobhaithe mar fhinnéithe le cáipéisí oifigiúla i gClárlann na nGníomhas, ó c.1770 ar aghaidh ach go háirithe, ach tá na cláir atá ar fáil do na páipéir sin teoranta agus as dáta—caithfear an cheist sin a fhágáil gan réiteach faoi láthair. Cuimhnítear air, mar shampla, gur chuir Pádraig Ó Loingsigh a ainm le tiomna an Easpag Theophilus McCartan sa bhliain 1777, ní a bhí ar coimeád tráth i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí, ach bheadh saothar mór i gceist dul trína bhfuil againn de na taifid go fóill, agus is baolach gur beag toradh a bheadh air. Is é bun agus barr an scéil nach bhfuiltear in ann a rá cá mhéad tagairt úsáideach den chineál sin atá ar fáil go fóill. Dá fheabhas iad *Tuarascálacha* 1824 agus 1834

---

<sup>412</sup> Is féidir teacht ar shamplaí den chineál seo ar fud na lámhscríbhinní, ach díreach le cúpla ceann a lua, féach CT H.6.26 (1714), lch 29; COFLA D2, lch 49; agus na nótaí imeallacha in LPBF 26. Féach na nótaí gealltanais a bhaineann le hiasachtaí lámhscríbhinní fosta in LN G361, lch ii, agus in ARÉ 3C4ii (1019), a bhfuil trácht orthu sa chuntas ar Christóir Aindreamha i gCaib. 2.1.

<sup>413</sup> Sampla fáin—féach an fógra i dtaobh an tSeisiúin Cheathrún a bhí le cur ar bun i mbaile Mhuineacháin sa bhliain 1795 in COBÁC M13, lch 3. Féach fosta na suimeanna a bhaineann leis an ‘Spring Cess’ ar lch 1 den lámhscríbhinn chéanna, agus an frása, ‘Sworn and acknowledged by me the [ ] day of Oct<sup>r</sup> 1795’ ar lch 2 san áit chéanna.

<sup>414</sup> Féach ARÉ 12E25 (908), mar shampla, agus na léasaí in ARÉ 23G8 (785), lgh 123-5, lámhscríbhinn le Tadhg Ó Neachtain.

<sup>415</sup> Féach na samplaí ó Cho. an Chabháin a luaitear in de Brún (1969: 556-7).

<sup>416</sup> Fordhuilleog leis an lámhscríbhinn atá sa chonradh seo, ‘I daniell m<sup>c</sup> Conty giue vnder my hand vnto Marÿ agnew that what soe euer eirish \Clergy/ law doth make hir of her daughters (.)o(.)her if plese y<sup>e</sup> lord to Call for hir befor there comes an heire. daniell m<sup>c</sup> Conty |||| his marke’, CT H.4.11 (1352), fordhuilleog.

mar dhaonáirimh measartha iomlán (is dóigh) ar líon na máistrí a bhí gníomhach sa cheantar sna blianta sin, is féidir go bhfuil taifid mhaithe eile ar fáil i bpáipéir an stáit a líonfadh easnaimh eile dúinn. An tsraith taifead a d'fhoilsigh Ó Corcráin (1932), is maith an treoir iad dá bhféadfadh a bheith ar fáil dúinn, ach is gnách nach dtéann na taifid a thugtar ann i bhfad taobh amuigh de Chúige Mumhan, agus ba dhoiligh a rá ag an bpointe seo cá mhéad tagairt atá ann i measc an bheagáin dá bhfuil againn de Pháipéir na Corónach a tháinig slán tar éis shéideadh Shean-Oifig na d'Taifead Poiblí.

Caitheann na lámhscríbhinní féin solas ar nithe agus réimsí eile léinn a gcuireadh na scríobhaithe spéis iontu, agus is maith a mheabhraíonn siad dúinn nach raibh scríobhaithe na Gaeilge ag obair leo beag beann ar litríocht agus ar shaol an Bhéarla i gcoitinne; is minic a thugann siad leideanna beaga faoi shlite agus faoi chúinsí beatha na scríobhaithe. I lámhscríbhinn Chríostóra Aindreamha (*q.v.*), mar shampla, tá cuntais a scríobh sé féin ar an 2 Meitheamh 1811 a ligeann dúinn eisean a cheangal leis an díoltóir earraí darbh ainm sin a bhí gníomhach i nDroichead Átha sa chéad leath den 19ú hAois.

Tugann nótaí Laidine sna lámhscríbhinní eolas faoin oiliúint a fuair cuid de na scríobhaithe, agus ní i lámhscríbhinní sagart agus cléireach amháin a fhaigheann muid iad.<sup>417</sup> Is féidir cúpla sampla de scríobhaithe a bhí eolach ar an Laidin a thabhairt—Síomón Ó Macaoín, an máistir meánscoile a chaith tamall in oirthear Cho. na Mí in aois a óige ag aistriú téacsanna go Gaeilge, agus léiríonn a chuid scríbhinní cumas sa Laidin. I gceann de na nótaí Laidine seo atá scaipthe ar fud a chuid lámhscríbhinní, tá tagairt do mhac léinn dá chuid, William Cranston, a d'fhill ar scoil

---

<sup>417</sup> Ní léiríonn cuid acu ach cumas fulangach sa Laidin, áfach, m.sh. ÓR 5; agus thuigfí nach raibh oiread agus siolla amháin den Laidin ag cuid acu siúd a ritheann focail 'Laidine' le chéile, m.sh. CT H.6.26 (1714).

sa bhliain 1789 i ndiaidh dó a aghaidh a dhó le púdar.<sup>418</sup> Bhí Thomas O’Conor (c.1812-1842), mac leis an scríobhaí, Tomás Ó Conchubhair (*q.v.*), ina scoláire Béarla, Gaeilge, Laidine agus Gréigise faoin am a raibh sé tuairim is 23 bliana d’aois, nuair a casadh air Seán Ó Donnabháin den chéad uair; scoláire clasaiceach eile dá phór ab ea é Brian Mhac Cionnaoith (*fl.*1810-23), a bhfuil giotáí Laidine san aon lámhscríbhinn atá againn uaidh; agus deirtear go raibh sé ar intinn ag Cathal Ó Cearbhalláin, a bhí ag teagasc na gclasaicí agus é ina dhéagóir, is dóigh, dul le sagartacht tráth, gur iompaigh sé ina Phrotastúnach. Scoláire clasaiceach eile, ar ndóigh, an tOir. Uilliam Mac Néill (1774-1821), a chaith roinnt blianta ag teagasc san Acadamh i nDún Dealgan. Bíonn, ó áit go chéile, nótaí ar chúrsaí eaglasta i lámhscríbhinní na sagart—féach ARÉ 23A25 (628), ina bhfuil nóta ar reacht de chuid an Phápa faoi Aifreann a thabhairt ar Oíche na Nollag.<sup>419</sup> Amanna eile, faigheann muid ainmneacha scoláirí agus scríbhneoirí eachtrannacha a scrábláladh sna lámhscríbhinní gan ábhar; féach gur scríobhadh an t-ainm Thomas Aquinas arís is arís in imill lámhscríbhinne le Séamus Mac an Ultaigh.<sup>420</sup> Léiríonn bailiúchán ceolta dúinn i láimh Phádraig Mhic Gatháin go raibh sé in inmhe ceol a léamh agus a scríobh.<sup>421</sup> Ní hannamh na leabhair choiteanna atá againn a bheith lán le nótaí spéisiúla den chinéal seo; féach, mar shampla, lámhscríbhinn an Ath. Brian Ó Cathaláin lenar chuir sealbhóir eile, an tAth. Séamus Ó Dúiche—duine a mhair in aimsir chorráitheach i gCo. Mhuineacháin—ceann de sheanráite Junius, dar leis, ‘Loyalty in the heart of an Englishman is a rational attachment to the laws of the land’; is maith a léiríonn cuid de na seanráite eile de chuid Ambrosius atá tiontaithe go Gaeilge i lámhscríbhinn Chonchubhair Mhig Aodha an spéis a chuireadh

---

<sup>418</sup> ARÉ 23L7 (104), lch 3. Luaite cheana in Ó Mórdha (1959: 436).

<sup>419</sup> Lch 82; nóta air san *R.I.A. Cat.*, 1973.

<sup>420</sup> ARÉ 12E25 (908).

<sup>421</sup> Féach Ní Uallacháin (2003: 435-67), áit ar cuireadh na ceolta i gcló.

scríobhaithe déanacha i gcúrsaí léinn taobh amuigh dá ngort féin. Leanadh de chuid den ábhar léannta a chóipeáil fosta—féach, mar shampla, go bhfuil cóip den dán leighis, ‘Duan Uí Shiadhail’, in COBÁC M14, lámhscríbhinn a ghráf Tomás Ó Conchubhair (*fl.c.*1812-24) ó Cho. Mhuineacháin; nó na tráchtas gearra ar na Trí Colla agus ar Fhiachaidh Sreabhaine in LPH 12079M, lámhscríbhinn le Maolmuire Mhac Parthaláin a scríobhadh sa bhliain 1776 nó 1777. Ní gann cóipeanna de ‘Duan Uí Dhubhagáin’ i lámhscríbhinní na 19ú hAoise, fiú, agus d’fhéadfaí samplaí eile a thabhairt. Tá cuid mhaith nathanna agus dánta Laidine sna lámhscríbhinní.

Cuimhneofar air go raibh leabharlann mhaith leabhar Béarla ag an Ath. Séamus Ó Dúiche, mar a scríobh nia leis, Charles Gavan Duffy,

Later a new world opened up to me in the library of my guardian. The spiritual shepherds naturally shared the privations of their flocks, and my guardian, like many another priest of that day, was content to live in a peasant’s cottage into which a village carpenter had put some sash windows and wooden floors, and which a country mason had plastered and whitewashed, but which was rich in books and engravings. I do not think he ever introduced me to any of his collection, except a couple which came in too threatening a form to be welcome, Valpy’s “Prosody”, and Dr. O’Reilly’s “Catechism of Catholic Doctrine”, but I discovered treasure-troves for myself. ... three or four soiled and tattered plays of Shakespeare ... “Robin Hood” ... a volume or two of Swift’s prose and poetry ... “Moore’s Melodies” ... and Burns’s poems ...<sup>422</sup>

Níor mhiste smaoinemh ar leabharlann sagairt eile a mhair céad bliain roimh an Ath. Ó Dufaigh, Séaghan Ó Donnghaile, O.P., ina raibh ábhar spioradálta i gcúig theanga (Fenning 1976-7), ná ar chnuasach leabhar Mhuiris Uí Ghormáin (Ní Mhunghaile 2008; 2010) le tuiscint a fháil ar an gcineál ábhair a bhíodh ag cuid de na scríobhaithe seo. Leid eile is ea gur féidir móitífeanna i roinnt téacsanna a ceapadh san 18ú hAois a rianú siar d’fhoinsí clóite Béarla; féach gur tuigeadh do Bruford

---

<sup>422</sup> Is é rud atá sa tagairt thuas, achoimre ar na sleachta a thugtar in Ó Dufaigh (1969: 114) as dírbheathaisnéis Charles Gavan Duffy, *My Life in Two Hemispheres*.

(1969: 50) gur bunaíodh eachtra amháin in ‘Eachtra na gCuradh’ ar an aistriúchán Béarla *Arabian Nights* a foilsíodh tuairim na bliana 1705. Lámhscríbhinní trétheangacha atá i gcuid mhaith díobh siúd atá againn ó dheireadh na 17ú hAoise.<sup>423</sup> Is doiligh a bheith cinnte faoi fhairsinge an chnuasaigh a bhí ag an ngnáthscríobhaí bocht tuaithe, áfach, ach tugann cuid de na tagairtí a rinneadh cheana do thionchar an chló ar scrípteanna na scríobhaithe agus eile le fios go mbíodh a bhformhór in ann teacht gan stró ar ábhar Béarla, agus go gcuiridís spéis ann.

Taobh leis na nótaí eile faoi chúrsaí gramadaí agus staire, tá ábhar matamaitice i leabhar de chuid Pheadair Uí Ghealacáin,<sup>424</sup> agus is éard atá i leabhar de chuid Phádraig Mhic Gatháin (taobh amuigh de chúpla rann Gaeilge), sraith ceachtanna matamaitice, ar chúrsaí innealtóireachta agus triantánachta ach go háirithe, agus iad curtha i bhfóirithint don rang scoile. Tá cearnóga draíochta i gcuid mhaith lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt—lámhscríbhinní Shilbheastair Mhic Gibne, Pheadair Uí Ghealacáin, agus Thomáis Uí Eothasaigh.<sup>425</sup> De bhreis air seo, bíonn ceisteanna matamaitice le fáil thall is abhus sna lámhscríbhinní—féach, mar shampla, an dá cheist i bhfoirm tomhas<sup>426</sup> a chuir Mícheál Ó Cathaláin i lámhscríbhinn a grafadh i dtuaisceart Cho. Mhuineacháin, is dóigh, sa bhliain 1795. Chuirfeadh suirbhé ar shuimeanna agus tomhais den chinéal seo sna lámhscríbhinní go mór leis an tuiscint atá againn ar scoileanna na tréimhse seo; céim bheag sa treo sin is ea iad na nótaí a scríobh Cooney (2014: 370-7) faoi LN G809. I measc na dtomhas a fhaightear sna lámhscríbhinní, tá Fadhb an Tríocha Licín, arb é a réiteach na gutaí san fhrása Béarla *From numbers’ aid and art never will fame depart*. Sa leagan Gaeilge, tugtar dán fada in ionad an fhrása ghonta seo, ‘Goid Fhinn agus Dhubháin’,

---

<sup>423</sup> CT H.4.14 (1355), CT H.5.3 (1375), srl.

<sup>424</sup> Rinneadh plé ar na nótaí seo in Cooney (2014).

<sup>425</sup> LN G809, lgh 291, 327; COC T<sup>1</sup>66 (66), lch 77.

<sup>426</sup> COBÁC M13, lgh 111, 113.

ina seasann lucht leanúna Fhinn agus Dhubháin do na licíní dubha agus bána,<sup>427</sup> ar nós na leaganacha eile a thráchtann ar ridirí a bheith ina suí thart faoin mBord Cruinn. Ghraf Séamus Mhac Thighearnáin cóip den dán, i gCo. na Mí, is dóigh, chomh mall leis an mbliain 1780, *Ar dtús na bhfear [sic] 'chur ina suidhe*. Tugann nóta a chuir Peadar Dubh Ó Dálaigh leis an gcóip sin breis eolais dúinn faoin scéal taobh thiar den leagan seo den scéal, 'Bhí cúig fhear deag dubh, 7 uirid eile bañ ann, agus da réir an tsuigheachañ a cuireadh orra thuit an crannchar air an bhfear dubh ...',<sup>428</sup> agus tá leis sin, cóip den fhrása Béarla. D'fhoilsigh cuid mhaith de na scríobhaithe a bhí comhaimseartha le Peadar Dubh rainn agus tomhais ar almanaig éagsúla sa chéad leath den 19ú hAois, Peadar Ó Gealacháin ach go háirithe.<sup>429</sup>

B'fhiúntaí linn, áfach, díriú ar an eolas atá ar fáil faoi shlite beatha na scríobhaithe agus é a leagan amach go córasach.

### **1.3.1. Slite Beatha**

Is doiligh, mar a míníodh cheana, aon tuairim shubstaintiúil a fháil ar an stádas a bhíodh ag scríobhaithe an Tuaiscirt ar an móróir, tharla go bhfuil muid ag plé le scoláirí ar leibhéil éagsúla cumais, agus nárbh iad na cuspóirí céanna a bhí acu uilig agus iad ag scríobh leo. Thig linn a rá gur bhain a bhformhór le ceachtar de dhá ghrúpa shóisialta: (i) aicme na n-oibrithe agus na bhfear ceirde; agus (ii) eaglaisigh, agus eaglaisigh de chuid na hEaglaise Caitlicí go príomha. Is fearr, mar sin, an beagán eolais atá againn i dtaobh a gcuid slite beatha a leagan amach i bhfoirm tábla anseo, cé gur beag eolas atá againn ar na scríobhaithe a bhí ag saothrú leo roimh an

---

<sup>427</sup> Pléadh stair Fhadhb an Tríocha Licín in Murphy (1942), áit a bhfuil cóip den dán a bunaíodh ar thrí lámhscríbhinn. Tosaíonn formhór na gcóipeanna eile leis an líne *Ceathrar fionn fiannadh ar dtús*.

<sup>428</sup> ARÉ 23A25 (628), lch 358a.

<sup>429</sup> Tá nótaí maithe air seo in Ó Casaide (1939), agus in Ó Buachalla (1968: 128-30).



mbliain 1800. Is éard is ábhar leis sin, gur bunaíodh na figiúirí ar fhaisnéis na lámhscríbhinní, ach go mórmhór ar fhoinsí tánaisteacha eile<sup>430</sup> nach mbíonn fáil orthu go dtí an 19ú hAois i bparóistí tuaithe, m.sh. leabhair baistí, luachálacha talún, srl. Tugtar anseo dhá cholún figiúirí, (a) agus (b). I gcolún (a), sonraím na figiúirí iomlána atá againn don tréimhse idir 1650 agus 1900—tabharfar faoi deara nach bhfuil sonraí againn ach do 80 duine anseo, tuairim is trian de na scríobhaithe atá idir lámha againn. Tugtar i gcolún (b) sraith figiúirí eile a bhaineann leis na scríobhaithe a bhí ag saothrú roimh an mbliain 1800, díreach le go mbeidh tuiscint ag an léitheoir ar a bhearnaí atá na figiúirí don tréimhse sin.

<i>Slí bheatha</i>	(a)	(b)
Máistir Scoile / Oide Múinte	36	[9]
Uiséir Scoile	1	[0]
Cléireach (Sagart, srl.)	24	[21] 22 [19] = Caitliceach, 2 [2] = Preispitéireach
Cléireach (Scríbhneoir)	3	[1]
Feirmeoir / Scológ <sup>431</sup>	7	[1]
Díoltóir Mionearraí	1	[0]
Poitigéir	2	[0]
Ealaíontóir	1	[0]
Díoltóir Leabhar	1	[0]
Báicéir	2	[0]
Saor Cloiche	2	[0]

<sup>430</sup> D’fhág Ní Shéaghdha (1990a), ina cuntas ar shlite beatha scríobhaithe, tagairtí ó fhoinsí tánaisteacha ar lár, ach is beag gar a bheadh sa liosta seo dá ndéanfaí sin thuas.

<sup>431</sup> Cuirtear san áireamh anseo Proinsias Mac Conaill, a thug ‘yeoman’ air féin. Scológ, seachas ball den bhuíon mhíleata atá i gceist anseo, gan amhras.

Bailitheoir Deachúnaithe / Rátaí	2	[0]
Lia (Traidisiúnta) <sup>432</sup>	5	[5]
Innealtóir	1	[0]
Póilí (R.I.C.)	1	[0]
Oibrí	2	[0]
Ollamh	2	[1]
Gabha Dubh	1	[0]
Iomlán garbh	94	
Lúide dúbláil	12	
Iomlán glan	82	
Ní fios	149	
Iomlán	231	

Gheofar an t-eolas ar ar bunaíodh an tábla seo in Aguisín 5. Cé nach fiú mórán a rá i dtaobh na bhfigiúirí seo, níorbh fholáir cúpla pointe a lua. I dtús áite, is spéisiúil an ní é gur mhúinteoirí nó gur shagairt Chaitliceacha cuid mhaith de na scríobhaithe a bhfuil sonraí againn ina dtaobh—lean 36/231 scríobhaithe (15.6% díobh)<sup>433</sup> ceird na múinteoireachta ar a laghad, ach ní mór cuimhneamh air gur máistrí de chuid an *Irish Society* cuid mhaith acu siúd atá i gceist againn anseo, agus nach féidir a áiteamh gur mhúinteoirí lánaimseartha ach líon beag acu. Is soiléir ó rollaí pá an *Irish Society* agus na gcumann eile atá againn go leanadh cuid acu den cheird sin scun scan, agus thig linn a léiriú i gcás cuid mhaith acu go mbíodh ceirdeanna nó slite beatha lánaimseartha eile acu, sa dóigh nach raibh sa teagasc ag neart acu ach dóigh le pingíní breise a thuilleamh. Tabharfar faoi deara nach féidir ach naonúr scríobhaithe a cheangal leis an gceird sin roimh an mbliain 1800. Deir cuid mhaith

<sup>432</sup> Is iad na lianna traidisiúnta atá faoi chaibidil agam anseo, Cormac Ó Caiside, Éamonn Ó Caiside, Énrí Ó Caiside, Baothghalach Ó Fearghusa, agus Pádraig Gruamdha Ó Siadhail; is mó de shaothar Énrí atá againn ná an ceathrar eile acu.

<sup>433</sup> Nó  $36/81 = 44.4\%$  díobh siúd a bhfuil sonraí ar fáil ina dtaobh.

eile de na scríobhaithe linn gur sagairt iad, agus ina gcás siúd, tchíonn muid a mhalairt de threocht sna figiúirí—de na 24 scríobhaí a bhí ina sagairt, bhí an chuid is mó acu (21 dhuine acu) ag saothrú leo roimh an mbliain 1800, agus an triúr sagart de chuid na 19ú hAoise a luaitear thuas—Séamus Ó Dúiche, Pádraig Ó Luain, agus Eoin Ó Muirreadh—níor fhág ach duine amháin acu, an tAth. Pádraig Ó Luain, mórán againn. Is eol dúinn fosta go raibh an tAth. Pádraig ina scríobhaí sula ndeachaigh sé le sagartacht, agus gur dhuine as an ngnáth é ar go leor bealaí. Léiriú spéisiúil é seo ar an scoilt a tharla idir lucht cothaithe na Gaeilge agus an Eaglais Chaitliceach—a bhí ina crann taca don teanga go dtí sin—sa 19ú hAois. Is ábhar spéise go dtagann ceirdeanna nua chun solais sna taifid den chéad uair riamh sa 19ú hAois, sa dóigh go bhfuil trácht againn ar innealtóir (Matha Mórdha Ó Graeme), ealaíontóir (Brian Ó Tomaltaigh), agus beirt phoitigéirí (Séamus Mhac Giolla Choille agus Somhairle Briosaín) a bheith ina scríobhaithe san aois sin. Is toradh nádúrtha sin, sílim, ar an mborradh chun *bourgeoisement* a tháinig chun cinn i measc aicme áirithe den phobal Caitliceach ón dara leath den 18ú hAois, agus ar an spéis a bhí á cur ag cuid de na huasalaicmí Gallda agus ag arsaitheoirí sa Ghaeilge mar thobar eolais ón uair a foilsíodh saothair Vallancey, Cooper, Brooke agus Macpherson, ní a thug seasamh éigin do léann na Gaeilge mar réimse fiúntach taighde. Bheadh tuairim agam gur scológa cuid eile de na scríobhaithe nach bhfuil sonraí againn ar a gcuid slite beatha, san 18ú hAois ach go háirithe, ach ó tharla nach raibh gradam ar bith ag baint leis an tslí bheatha sin, gur leasc leis na scríobhaithe an ghairm sin a cheangal leo féin ina gcuid lámhscríbhinní, murab ionann agus múinteoirí is sagairt a linne féin. Den seachtar scológ a luadh sa liosta thuas, ní deir

ach duine<sup>434</sup> acu sin linn, agus ní i gcolafon, ach i nótaí seachtracha ar fhardhuilleoga na lámhscríbhinne.

Ós rud é gur féidir linn, mar b'eol dúinn cheana, scríobhaithe Nua-Ghaeilge an Tuaiscirt a cheangal le dhá ghairm—an mhúinteoireacht agus an tsagartacht—níorbh olc an ní é trácht ar an gceangal a bhí ag an gcéad ghairm acu siúd le déantús na lámhscríbhinní. Ní gá béim a chur ar an ról a bhí ag an Eaglais Chaitliceach i gothú na Gaeilge mar theanga scríofa sa 17ú hAois, agus ag bráithreacha San Proinsias san obair sin ach go háirithe, toisc go bhfuil an scéal sin ar eolas go forleathan agus nach bhféadfaí aon ní substaintiúil a chur leis anseo.<sup>435</sup>

Mar a dúradh cheana, ní féidir a chinntiú gur mhúinteoirí lánaimseartha cuid mhaith díobh siúd atá ar taifead i rollaí pá an *Irish Society*, agus, ó tharla nach bhfuil taifid mhaithe againn ar mhúinteoirí na scoileanna scartha roimh an 19ú hAois ar fáil, mar atá do shagairt agus do bhráithre na hEaglaise Caitlicí, ní mór dúinn féachaint ar chuid de na tagairtí atá i lámhscríbhinní na 17ú agus na 18ú hAoise do mhúinteoirí, agus do réimsí eile léinn a shamhlófaí leis an múinteoireacht. Ceann de na nótaí is sine atá againn i lámhscríbhinn de chuid na 17ú hAoise do mháistir (sa chiall nua-aimseartha), agus máistir Gaeilge, is ea é an nóta beag a scríobh Seán Ó Farandáin éigin isteach ag bun dáin in COBÁC A25 sa bhliain 1628, áit a ndeir sé gurbh é a mháistir Gaeilge a scríobh na rainn sin,

[137] Mo bheandacht ar anmuin an tí do rinde na roind sin tsúas .i. Criostóir Fléimeann, & go madh slán don tí do sgríobh íad .i. Eoghan Mhac Diarmada,

---

<sup>434</sup> Proinsias Mac Conaill, féach nóta 431 thuas.

<sup>435</sup> Ó thaobh chothú na Gaeilge mar theanga scríofa sa Tuaisceart i measc cléireach, agus dearcthaí scríobhaithe agus filí ina dtaobh, féach Mooney (1955), Ó Maonaigh (1962), Ó Fiaich (1973a), srl., srl. Is é Mhág Craith (1967; 1980), is dóigh, an cnuasach téacsanna agus nótaí tráchtá is fearr a cuireadh le chéile go dtí seo.

mo mhuig[h]istir Gaoidheilge féin, san leabharsa. Anno 1628. Misi Sean Ó Farandán qui in illis diebus hunc possidebam.<sup>436</sup>

Is beag eolas atá ar fáil faoi mhúinteoirí na tréimhse seo, áfach; más ea go bhfuil corrrthagairt i dtaifid a bhaineann le ré Chromail don aicme úd ar a dtugtar ‘Popish schoolmasters’, is doiligh a dhéanamh amach cá mhéad acu a bhí ina scríobhaithe. Chomh fada siar leis an ‘second decade of the seventeenth century’, dar le heagarthóir an chuntais sin, Gillespie (1993: 3), scríobhadh tráchtadh beag ar fhiacha na hEaglaise Caitlicí ina bhfuil tagairt dá fhorleithne agus a bhí na máistrí,

... there is in every parish a popish schoolmaster which payeth to the mass priest or his superior for his license to teach but what we cannot learn. These are a great hindrance ... their livings being most of them very poor and is a great increase and seminary to popery many of the popish schoolmasters having 100 scholars and some more ...<sup>437</sup>

Ní hionann sin agus a áiteamh go raibh ceangal ag na máistrí le déanamh na lámhscríbhinní Gaeilge an uair sin, ná go múintí scríobh na Gaeilge mar ábhar ina gcuid scoileanna. Ceann de na liostaí is fearr atá againn don dara leath den 17ú hAois is ea iad na máistrí (tugtar ‘Popish schoolmasters’ orthu arís) a luaitear i leabhar cuairte Anthony Dopping, Easpag Protastúnach na Mí. Cuireadh an chuid is mó de na taifid le chéile idir 1682 agus 1685, agus cé nach bhfuil againn ach ainmneacha na máistrí a raibh eolas ag lucht na hEaglaise Protastúnaí orthu an uair sin, is luachmhar an taifead é ag an am céanna. Tugtar na máistrí anseo de réir na déanachta agus an pharóiste Phrotastúnaigh ina mbídís ag teagasc, agus is éard atá sna huimhreacha ar clé, uimhir thagartha na bparóistí mar a thugtar iad sna foinsí ar ar bunaíodh an liosta seo, Ellison (1971; 1972; 1973; 1974; 1975).

---

<sup>436</sup> COBÁC A25, lch 127.

<sup>437</sup> Gillespie (1993: 7).

Déanacht	Paróiste	Máistir
Duleek	1. Duleek	James Fluddy
Ratoath	34. Ratoath	John Neil
	42. Crickstown	— Newman [? = an S.P., Thomas Newman].
Skryne	46. Moyglare	— Perkins, ‘Protestant School’
	— Drumlargan	— Fitzsimons
Trim	73. Trim	John Carr
	76. Athboy	The Clerk, ‘Schoolmaster’ [? Tho. Clerk]
	77. Rathcore	Charles Smith
	83. Navan	— Lean
	84. Ardraccan	— Warren
	86. Martry	Jn. Tully, Jn. Gohran
Slane	109. Nobber	John Kernan
	112. Kilshine	Pat Drake ‘of Mountainstown’
	113. Donaghmore	— Darcy
	120. Stackallen	William Evans, ‘P <sup>h</sup> Clerk’
	121. Grangegeeth	Thomas Cusack (Laidin agus Fealsúnacht)
	129. Monknewtown	— Reilly (an S.P. ar aon sloinne leis)
Kells	137. Staholmock	Owen Farrelly (Laidin agus Fealsúnacht)
	146. Dulane	Hugh Brady (an S.P. fosta)
Clonard	154. Rathwire	Thomas Smith (scoil Phrotastúnach)
Mullingar	159. Mullingar	— McDonagh
	164. Carrig	— Duffy
	173. Leney	Peter Delamare
	179. Delvin	D. Wall — McEvoy
	182. Castlelost	Pat. Geoghegan
Ardnurcher	191. Ardnurcher	James Cary
	199. Durrow	Will Geoghegan [ar ceal] Owen Conway [ar ceal]
	200. Kilbride	Owen Conway ‘teaches at Tullamore’
	202. Kilbeggan	Gar. Reilly
	206. Ballyboy	James Hawley
Fore	212. Fore	Matthew Tallon
	215. Rathgraffe	— Fitzsimons
	217. Mayne	Philip Smith
	221. Oldcastle	Patrick Mallon
	223. Killallon	John Reilly
	232. Loughcrew	Gab. Barrett (Protastúnach)

B'fhéidir gur ábhar díomá dúinn nach féidir oiread agus duine amháin acu seo a cheangal le lámhscríbhinn Ghaeilge ar bith, ach caithfear cuimhneamh air nach bhfuil mórán ábhair againn don tréimhse áirithe seo ó Cho. na Mí ná ó Cho. na hIarmhí. Taispeánann na hainmneacha seo go raibh gréasán máistrí scoile sa Mhí chomh fada siar le deireadh na 17ú hAoise, agus tá leideanna againn go raibh beirt acu, Thomas Cusack agus Owen Farrelly, ag teagasc ábhar a bheadh fóirsteanach don té ar mhaith leis dul le sagartacht. Scríobh an tEaspag Dopping tuairisc eile ar a dheoise sa bhliain 1693, agus leag sé amach sé mholadh trína bhféadfaí an creideamh Protastúnach a scaipeadh. Is ábhar spéise an dá cheann seo a leanas,

'4<sup>o</sup> by erecting English schools and appointing salaries to the masters of them to instruct them [= na Caitlicigh] in the English tongue and obliging the masters to teach them the principles of religion as well as the English tongue',

'6<sup>o</sup> by suppressing Popish schoolmasters especially such as teach Latin, for these men train up their children for very little to the Latin tongue till they are fit to be sent abroad where they are maintained out of charity or by begging till they learn philosophy and know how to read Mass and they then are put into orders and sent back as missionaries ...'<sup>438</sup>

Scríobh sé tuairisc eile ceithre bliana ina dhiaidh sin, agus é níos díograisí arís na bráithre agus na máistrí a ghlanadh amach as an tír, ach is fiú a lua go gceanglaíonn sé ceird na múinteoireachta leis na sagairt féin an uair sin,

But still in vain do we endeavour to prevent the growth of Popery by a bill against foreign education, if their priests are everywhere permitted to teach school within the kingdom ... the Act of Uniformity 17 & 18 C. 2 ch 16 would serve to prevent all Popish schoolmasters if duly put in execution. But some Justices of the Peace and other gentlemen for want of a watchful eye and strict hand over them from the Government have frequently been the encouragers of such men; because they can get their children taught by such persons for little in their own houses: by which we are in danger of having

---

<sup>438</sup> I gcló in Brady (1959a: 163-4).

the very fountains poisoned, and our gentlemen's sons imbued with such principles as may afterwards prove very pernicious to the Protestant religion. It hath been proposed by some, that (until due provision for Protestant English schools can be made) missionary preachers should be sent to preach to the natives in the Irish tongue: but this would too much encourage the Irish to continue their own language, ...<sup>439</sup>

Thig linn féachaint ar shuirbhé eile den chineál sin a rinneadh sa bhliain 1731 mar chuid d'fhiosrú a rinneadh ar fhoréileamh Theach na dTiarnaí faoi staid an chreidimh Chaitlicigh in Éirinn. Foilsíodh cuid de na tuairiscí in Anon. (1912*a*). Cé nach taifid iomlána iad,<sup>440</sup> agus cé gur cailleadh na páipéir féin nuair a séideadh Sean-Oifig na dTairfead Poiblí sa bhliain 1922 (ach an méid a foilsíodh díobh), tugann siad treoir mhaith dúinn, tharla gur iarradh ar na cléirigh Phrotastúnacha, agus na húdaráis eile a chuir tuairisceáin chuig an rialtas, líon na 'Popish schoolmasters' a bhí i ngach paróiste a shonrú. Rinneadh sin don chuid ba mhó, cé nár tugadh a n-ainmneacha. Ina ainneoin sin, is fiú sleachta a sholáthar.

D'fhoilsigh Kennedy (1941: 274) na figiúirí 'iomlána' de réir deoise,

Ard Mhacha	40 [37*] <sup>441</sup>
An Mhí	41* 'besides several private popish Tutors'
Clochar	13 [15*]
Ráth Bhoth	4
Doire	0
Droim Mór	6
An Dún	4
An Chill Mhór & Ardachadh	49*

<sup>439</sup> Brady (1959*a*: 167-8).

<sup>440</sup> Ní thugtar figiúirí de réir paróiste do Dheoise na Mí, ná Deoise na Cille Móire & Ardachaidh.

<sup>441</sup> Baineadh na figiúirí a bhfuil réiltín leo as an achoimre a foilsíodh in Anon. (1915*a*: 173-4). Tuigfear nach dtéann na figiúirí go maith lena chéile ach oiread, ach is dóigh gur cruinne i bhfad na huimhreacha in Anon. (1915*a*).



Is dóigh le Kennedy (1941: 274) nach bhfuil againn thuas ach ‘a fraction of the real total’. Bhí 29 scoil i nDeoise Átha Cliath (Anon. 1915a: 174). Féachaimis ar na paróistí a bhfuil taifid chruinne ar fáil ina dtaobh. Ní áirím ach na paróistí a ndéantar tagairt do scoileanna a bheith iontu. Is gaire córas paróistí Eaglais na hÉireann, mar a bhí sé an tráth sin, do na paróistí sibhialta, cé gurb iomaí athrú a tháinig orthu ó shin. Tugaim an leagan Béarla den pharóiste atá ar an tuairisceán, díreach le bheith cruinn. Liosta míshásúil é seo san iliomad slí, ach caithfear déanamh dá réir, de cheal foinse a sharódh é ó thaobh scóipe. Laige iontach amháin ar na taifid is ea nach dtugtar ainmneacha na máistrí ach uair nó dhó; fágann sin nach bhfuil muid in ann seiceáil a dhéanamh an bhfuil máistrí áirithe faoi dhó ag na cléirigh dhifriúla a thiomsaigh na figiúirí. Tagraíonn na figiúirí don mhéid scoileanna a bhí ann amanna, do líon na máistrí amanna eile (féach Cluain Eois thíos), agus is féidir a thaispeáint go dtagann na figiúirí ar an liosta salach ar fhaisnéis na sirriam ó am go chéile.

	Paróiste	Uimh.	Nótaí	Leagan Béarla
	<b>Deoise: Ard Mhacha Co. Lú (11)</b>			
	Dún Dealgan	1		Dundalk
	Dún Léire	1		Dunleer
	Droichead Átha	6		Drogheda
	Cairlinn	3		Carlingford
	<b>Co. Ard Mhacha (12)</b>			
	Doire Nóis	1		Derrinosee
	An Mullach Breac	2		Mullabrack
	An Creagán	2		Creggan
	Loch gCál	1		Loughgall
	Ard Mhacha	4		Armagh
	Tóin re Gaoith	2		Tandragee
	Loch gCoiligh & Cill Shléibhe	3 [0]	0 ar an tuairisceán, ach dúradh i litir an tsirriam, Jas. Hackett, go raibh fear darbh	Loughgilly & Killslevey

			ainm Hasart ag teagasc scoil Laidine, agus go raibh dhá scoil i Loch gCoiligh ina raibh an léamh á theagasc.	
	<b>Co. Thír Eoghain (14)</b>		Féach faoi Dheoise Chlochair thíos, áit a n-áirítear seacht scoil eile i gCo. Thír Eoghain.	
	Tearmann Mhig Oirc	4		Termonaguirke
	Cluain Fiacla	5		Clonfeakle
	Ard Bó	1		Arboe
	Cluain Eo	1		Clonoe
	Cill na mBan	1		Killyman
	Carn tSiail & Achadh Longa <sup>442</sup>	2		Caranteel & Aghaloe
	<b>Co. Dhoire (0)</b>			
	<b>Deoise: Clochar Co. Mhuineacháin (8)</b>			
	Domhnach	1		Donagh
	Muineachán	1		Monaghan
	Cluain Eois	3	3 scoil ‘attended by one’, de réir an liosta. Is dóigh go bhfuil sé le tuiscint as sin go raibh máistir amháin ag teagasc na dtrí scoil.	Clownish
	An Aireagal (Triúcha)	3	A n-ainmneacha againn, ar ámharaí an tsaoil: Pat. McKenna, Rich. Connolan, Pat. Mograh.	Errigal Trough

<sup>442</sup> Tugtar an leagan seo in Hogan (1910), s.v. *Achadh Lunga*. Níl leagan deimhnithe den logainm ar fáil, ach is cosúil gurb é seo an leagan ceart. Féach Aguisín 2, áit a dtugtar míniú ar an dóigh a gcaitear le logainmneacha nach bhfuil leaganacha deimhnithe Gaeilge díobh ar fáil inniu. Cosúil lena lán eile de na logainmneacha a luaitear anseo, ba mhór an cuidiú a fuair mé ón Oll. Ruairí Ó hUiginn i dtaobh an chinn thuas, ach is mise féin atá freagrach as cibé locht atá orthu trí chéile.

	<b>Co. Fhear Manach (7)</b>			
	Gabhal Liúin	3		Galoon
	Claoininis	2		Cleenish
	*Machaire Chúil Maine <sup>443</sup> [Magheraculmoney]	1		Magheraculmoney
	Inis Maighe Samh	1	Dhá thuairisc trí dhearmad. Sa dara ceann acu, deirtear gurbh é ‘Owen O Gallagher, a friar’ an máistir. San achoimre in Anon. (1915a: 173), deirtear gur ‘old fryar’ a bhí ann, agus go raibh ‘a great many Students’ ina scoil.	Innismacsaint
	Doire Broscaidh & Doire Mhaoláin	? [0]	0 sa tuairisceán, ach féach an nóta seo, ‘No popish Schools, but where Protestant Children are taught to read together with ye natives’.	Derrybrusk & Derryvullan
	<b>Co. Thír Eoghain (7)</b>			
	Clochar	4		Clogher
	Donaghcavey <sup>444</sup>	3		Donaghcavey
	<b>Deoise: Ráth Bhoth Co. Dhún na nGall (5)</b>			
	Teach Baoithín	0	Deirtear ‘none kept publicly’.	Taughboyn
	Conbháil	1		Conwall
	Inbhear	2		Enver
	Cill Charthaigh	1		Killcar

<sup>443</sup> Is féidir go bhfuil an áit seo le ceangal leis an tagairt a luaitear in Hogan (1910), s.v. *Cúl Maine*, ‘Cúl Maine i Lurg’, sa dóigh go bhféadfadh sé gurbh é ‘Machaire Chúil Maine’ an leagan ceart Gaeilge. Eolas a fuarthas ón Oll. Ruairí Ó hUiginn i nóta dar dáta an 20 Lúnasa 2018.

<sup>444</sup> Cé go ndearnadh cúpla iarracht ar an logainm seo a mhíniú, agus go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil ‘a nDomhn<sup>o</sup> Chabha’ (Ua Cadhla 1931: 127), is doiligh brí a bhaint as, agus bainim leas as an leagan reatha Béarla.

	Inis Caoil	1		Iniskell
	<b>Deoise: Droim Mór Co. an Dúin (6)</b>			
	Cluain Daimh	1		Clonuff
	Cill Bhrónaigh	1		Kilbroney
	Achadh Dearg	1		Aghaderg
	Tulaigh Lis	1		Tullilish
	*Sí gCobha [Seagoe] <sup>445</sup>	1		Segoe
	An tSeanchoill [Shankhill] <sup>446</sup>	1		Shankhill

B'fhéidir go dtuigfear luach na liostaí as sin. Argóint amháin ar son a gcruinnis is ea go ndearnadh cuid mhaith den obair pháirce trí struchtúr na hEaglaise Protastúnaí, sa dóigh gur chuir eaglaisigh na figiúirí le chéile dá gcuid paróistí féin. Caithfidh sé go raibh an-chur amach acu orthu.

Is follas, ar an taobh eile den scéal, go gcaithfidh sé go raibh mórán scoileanna ar bun ar fud na tíre nárbh eol do na húdaráis gurbh ann dóibh ar chor ar bith. Bheadh ceangal áirithe idir an aire a thugadh na máistrí dá gcuid scoileanna a choimeád faoi rún, agus a dhíograisí a bhí na húdaráis ina ndúiche féin; féach, mar shampla, nach bhfuil taifead againn ar oiread agus scoil amháin i gCo. Dhoire, agus gur scríobh an sirriam ina thuairisc, 'There are not any Popish schools; sometimes a straggling schoolmaster sets up in some of ye mountainous parts of some parishes, but upon being threatened, as they constantly are, ... they generally think proper to withdraw' (Anon. 1912a: 17). Is eol dúinn gur beag leid atá againn gur leanadh go mór de shaothrú na litríochta sa chontae sin tar éis 1650. Dhealródh sé gur láiche beagán na húdaráis sna contaetha laistean den dúiche sin. Ach is éasca ceangal a dhéanamh idir dhá fheiniméan ar beag a mbeann ar a chéile nuair nach bhfuil leath den scéal againn,

<sup>445</sup> Tugtar an leagan seo ar údarás Hogan (1910), s.v. *Síd Cobha*.

<sup>446</sup> Is iad na paróistí dlí atá i gceist anseo, seachas na paróistí Caitliceacha, ar ndóigh.

fiú,<sup>447</sup> agus tá na tagairtí atá againn do mháistrí na 18ú hAoise chomh bearnach, lochtach, dosheiceála is neamhiomlán sa chás nár scriosadh iad, nach féidir aon tuiscint cheart a fháil ar scéal na scoileanna seo gan mórán saothair. Tá dealramh air nach bhfuil ceangal iontach láidir idir dáileadh na scoileanna agus na lámhscríbhinní a bhfuil eolas againn fúthu, cé go bhfuil an t-eolas atá ar ár ngar iontach easnamhach. Caitheann na figiúirí atá againn do Cho. Lú amhras éigin ar a n-iontaofacht,<sup>448</sup> nó ar an gceangal a bhí ag máistrí na scoileanna seo le léann na Gaeilge, agus is dóigh go mbeadh an tuairim chéanna ag an léitheoir a raibh cur amach aige ar dháileadh lámhscríbhinní déanacha Cho. Lú, an uair a léigh sé go raibh corradh agus leath de mháistrí an chontae sin ag teagasc i nDroichead Átha. Freagra ní thabharfar ar an gceist seo anois, ó tharla go bhfuil gá le sainstaidéar ar scoileanna scairte an Tuaiscirt go fóill. Níor mhiste cuimhneamh air, chomh fada agus a bhaineann an scéal le Co. Lú, go raibh traidisiún éigin scríbhneoireachta Gaeilge sa dúiche thart faoi Dhroichead Átha ag tús na 18ú hAoise, agus go raibh seanlámhscríbhinn nó dhó ar coimeád ann an uair sin fosta.<sup>449</sup> Ní hionann sin agus a rá go raibh baint acu le máistrí scoile an bhaile, áfach. Pléifear dáileadh na lámhscríbhinní laistigh de na contaetha féin sa chéad fhochaibidil eile.

Bíodh sé cruinn agus bailí nó ná bíodh, is follas ón liosta go raibh níos mó máistrí scoile i gCo. Thír Eoghain—21 a líon—ná i gcontae eile i gCúige Uladh, ní nach dtéann go maith le dáileadh garbh na lámhscríbhinní atá againn. Bhí scoileanna i gcuid mhaith paróistí in íochtar Cho. Mhuineacháin, cé nach raibh scoil ar bith,

---

<sup>447</sup> Cá bhfios dúinn nár roinn sirriam Cho. Dhoire an t-eolas iomlán leis an rialtas, óir b'ionann sin a dhéanamh agus a admháil nach raibh sé ag comhlíonadh a chuid dualgaisí.

<sup>448</sup> Cé nach bhfuil mórán againn ón gcontae sin don tréimhse idir 1700 agus 1750, is dóigh go raibh traidisiún maith scríbhneoireachta ann an uair sin, óir bhí idir fhilí agus scríobhaithe maithe socraithe ann sna blianta sin.

<sup>449</sup> D'fhéadfaí eiseamláir chailte LPBF 34 (b) a áireamh anseo, ach ní dóigh go bhfuil baint ag COBÁC A3 leis an scéal.

chomh fada agus a thuig na húdaráis, i ndeisceart an chontae—bheifí ag déanamh amach gurbh éasca, b'fhéidir, do mhuintir an deiscirt, dúiche a bhí i bhfad ní b'iargúlta ná tuaisceart Cho. Mhuineacháin, a gcuid scoileanna a cheilt.<sup>450</sup> Ar an taobh eile den scéal, is ábhar spéise go raibh dhá scoil Chaitliceacha i gcomharsanacht Charn tSiail sa bhliain 1731, thart faoin am a raibh údar an t*Seachráin* chlúitigh, Toirdhealbhach Mac Domhnaill, ina bheatha ann. Tá againn lámhscríbhinní fánacha a grafadh sa chontae sin, nó in Aireagal (an Triúcha), atá ar an taobh eile den teorainn i gCo. Mhuineacháin, agus dátaí idir 1678 agus 1806 orthu.<sup>451</sup> Is fiú aird a thabhairt ar a thábhachtaí is a bhí coinbheint Dhún Geanainn i stair liteartha an chontae sin, coinbheint a bhfuil neart lámhscríbhinní againn uathí agus ón *locus refugii* eile a bhí ceangailte léi, ar a dtugtar coinbheint Ard Mhacha ó cheart. Ba sa Chreagán a bhí an *locus refugii* seo suite, áit a raibh neart scoileanna sa dúiche fá gcuaird, agus spéis éigin á cur i litríocht na Gaeilge ann faoin am sin. Ba ráiteas iontach láidir é a rá go raibh ceangal ag na scoileanna leis seo, nuair is intuigthe cheana féin go raibh baint ag na Proinsiasaigh leis an scéal, ach is fiú cuimhneamh ar cheangal na scoileanna le déanamh na lámhscríbhinní ag tús na chéad aoise eile.

Faoin am ar cuireadh *Tuarascáil* 1824 agus *Tuarascáil* 1834 le chéile, bhí scoileanna beaga scairte, lena chur síos go simplí, ar fud na tíre; tá sé ar taifead go raibh, i gcúpla áit, breis agus deich scoil in aon pharóiste amháin. Níorbh ionann na dálaí inar bailíodh sonraí ina dtaobh, nó an fáth ar bailíodh iad, agus taifid na bliana 1731, agus is dóigh gur mó is cruinne iad dá bharr sin, ar an móróir. Léirigh de Brún (2009)

---

<sup>450</sup> Daoine bochta tuaithe ab ea iad muintir na háite seo, ar an móróir, ach bhí ceangal ag an seanteaghlach uasal sin, muintir Mhathghamhna, le déanamh na lámhscríbhinní ann, Brian mac Colla Mhig Mhathghamhna (*ob.* 1689) ach go háirithe. Tá méid inspéise lámhscríbhinní ar coimeád ón dúiche seo a scríobhadh idir na 1770í agus na 1820í. Is dóigh go raibh Muiris Ó Gormáin agus muintir Mhearráin ag scríobh sa dúiche seo nuair a cuireadh an tuairisc sin le chéile. Más fíor sin, is doiligh smaoineamh ar scoláirí eile.

<sup>451</sup> Féach Caib. 1.4.1.3 thíos.

go sásúil gurbh fhíor don tuairim choiteann go raibh an-cheangal ag scríobhaithe na tréimhse sin le ceird na múinteoireachta, agus tá neart samplaí de lámhscríbhinní aonair aige a bhfuil lorg láimhe scríobhaithe éagsúla orthu.

Is eagal nárbh fhearrde muid tuairim a chaitheamh faoi láthair ar a dhlúithe a bhí na ceangail idir an dá cheird sin, an mhúinteoireacht agus déanamh na lámhscríbhinní san 18ú hAois, ná iad a mheas de réir shlat tomhais na 19ú hAoise, tharla nach bhfuil mórán taighde déanta ar an ábhar seo. Chonaic muid cheana go raibh ceangal ag líon na sagart a bhí ag grafadh lámhscríbhinní Gaeilge sa 19ú hAois le malartú luachanna san Eaglais féin i dtaobh na teanga an uair sin, ach, mar gheall ar na deacrachtaí a luadh cheana faoi na taifid atá againn don 18ú hAois, is doiligh sin a léiriú i gcás na máistrí. Caithfidh sé, measaim, go bhfuil cuid d’ainmneacha na máistrí seo scaipthe anseo is ansiúd i dtaifid éagsúla riaracháin. Cé go bhfuil cnuasach maith réamheolais agus oibre gairbhe curtha le chéile do Bhréifne in O’Connell (1942), tá mionstaidéar ar scoileanna Oiriaila ag teastáil go fóill, ó tharla nach dtuigtear dúinn go fóill goidé mar a d’fhás traidisiún scríofa ann—ó bhonn beagnach, deirtear—sa dara leath den 17ú hAois. Is féidir go bhfaighfear eolas nach rabhthas ag súil leis i dtaifid deoise,<sup>452</sup> páipéir stáit,<sup>453</sup> agus páipéir éastáit. An beagán taifead a thugtar anseo, tugtar iad lena léiriú amháin go bhfuil mórán taighde fós le déanamh ar an gceist seo, agus cibé tátal a bhainfear as, is deimhin go mbeidh impleachtaí éagsúla ag roinnt leis do thraidisiún na lámhscríbhinní, ar dhóigh amháin nó eile. Caithfear an cheist a fhágáil gan freagairt, mar atá faoi láthair.

---

<sup>452</sup> Féach, mar shampla, go bhfuil sonraí i dtaobh scoileanna na Mí i bpáipéir chuairte an Easpaig Patrick Plunkett. Cuireadh cuid de na páipéir seo, ó 1788 ar aghaidh, i gcló in Cogan (1862; 1867; 1870), ach dódh cuid mhaith de thaifid na Deoise sin d’aon ghnó, agus ar ordú Easpag na Mí féin, sa bhliain 1909.

<sup>453</sup> Ní beag an chaill é gan taifid Shean-Oifig na dTaufeada Poiblí a bheith againn.

Is fiú a lua, mar fhocal deiridh, go bhfuil leideanna sna lámhscríbhinní féin go raibh cuid scríobhaithe ina máistrí chomh fada siar leis an 18ú hAois: Fiachra Mhac Bhrádaigh (*fl.*1722-55), Peadar Ó Doirnín (*ob.*1769), Muiris Ó Gormáin (*fl.*1734-88), agus Tomás Ó hEochaidh (*fl.*1747), gan ach ceathrar a lua. Ar ndóigh, is móitíf choitianta a leithéid seo i seantéacsanna, ach tá cineál de bhrollach curtha le scéalta rómánsaíochta i gcúpla lámhscríbhinn, agus é i bhfoirm agallaimh idir máistir agus mac léinn. Baineadh an chóip seo de as ARÉ 23I23 (410), lámhscríbhinn a scríobh Bháitear Ó hEisleanáin sa bhliain 1758.<sup>454</sup> Tagann roimh an mbrollach seo sa lámhscríbhinn tráchtas gearr ar ortagrafaíocht agus noda na Gaeilge,

- [138] D: ‘A mhaighistir, annois ó scríobh tu an ghramadach, déan gne cathamh áimsire égin dhuinn’.
- M: ‘Cade an cathamh aimsire is mían leat?’
- D: ‘An bhfuil dada agad *air* na seanndaoíne do bhi ’nallód án?’
- M: ‘Ma ta fein ni bhfuil suil re didhluighacht agam, ⁊ uime sin maithim dhoibh é’.
- D: ‘Púh, ni she sin, ach an bhfuil sceul agad orrá?’
- M: ‘Ma ta féin, is maith an rúnaigh me’.
- D: ‘Foth! Ní she sin adeirim, *acht* an feidir leat athris orrá?’
- M: ‘Mas féidir fein as deacair liom athris a dhéanadha *ar* dhuine ar bith, óir is gnath go ttig míorbhuile De *ar* an muintir a bhios ag aithris’.
- D: ‘Hah! As mor an búaire thú, *acht* innis scéul dúinn *ar* ann éachtuighe [= a n-éachtaí]’.
- M: ‘Cadé an mhir scéuléacht do bhearus tu dhamh?’
- D: ‘Do bheara me mo sheacht mbeannocht’.
- M: ‘Mbréith’ as fada agad féin iad, ⁊ ni bhfuil fhios agam cad í an mhaith na an saobhríos do n(d)íd dhuit, ⁊ do thím daoíne eile ag borra lis na mallthachtuigh’.
- D: ‘Peh, is cuma sin, ni bhiadh se abhus agas thall aca’.
- M: ‘*Acht ar* shon sin tuillfe me na beannochtuidh ann ainm ann Athair,<sup>455</sup> ⁊ an Mhíc, ⁊ an Spioraid Naomh, Amen. An bhliaghain d’Aois an Tiodherna—1758’.<sup>456</sup>

<sup>454</sup> Tá leagan eile in ARÉ 23M4 (332) [? i láimh Mhuiris Uí Ghormáin] ar beag idir é agus an chóip thuas, ach nach bhfuil ann an tagairt don tráchtas gramadaí; féach thuas, agus nóta 456, áit a bhfuil cóipeanna den chéad abairt agus den abairt deiridh de.

<sup>455</sup> Is éard atá scríofa anseo, ‘an nainm an nathair’.



Críochnaíonn an dara cóip den téacs, a thagann roimh chóip de ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’ in ARÉ 23M4 (332), mar seo,

[139] M: ‘*Acht ar a shon sin tuillfead na beannachtaidh a n-ainm an Athair, ⁊ an Mhic, ⁊ an Spiorad Naoimh, Amen, ⁊ tabhair féin aire mhaith dhóibh, ⁊ ma thugair ní bhfuil la bán no oídhche le do bheó nach mbiadh tu aig beannoctidh orm ma ní siad maith ar bith <d>amh, acht a ndúil go n(d)éisdeadh Día re beannachtaigh dhuine gan rath mur ata tu, leanfad dhoibh, ⁊ iarram athchuinge ar gach aon eisdfeas ⁊ leighfeas iad b<h>eit<h ...> guidh ar anmuin an sgríbhneora .i. <...>’.<sup>457</sup>*

Gheofar cóip eile i lámh Pheadair Uí Ghealacáin in DE Gen. 43D, ar beag idir í agus a bhfuil in ARÉ 23I23 (410) thuas, agus tá sí i gcló in Ó Tuathail (1956a).

### **1.3.2. Oideachas agus Traidisiún an Léinn**

[140] *Ocht cceud deag gan bhreag sa fithche air dtús, ’san dó ’na dhíaigh do reir an data núa: o theacht Mhic Dé dar sáoramh air cháin an Úbhal, gur thosaigh me fein air sgríobha Gaodheilg ar dtus. 1822.*<sup>458</sup>

Dealraíonn sé, ó na blúirí beaga eolais atá againn orthu gur thosaigh cuid de na scríobhaithe ar lámhscríbhinní a chóipeáil nuair a bhí siad ina stócaigh. Tugann Seon Mac Ciar (*fl.*1738) ‘ughdar og’ air féin san aon lámhscríbhinn óna lámh atá againn, agus deir sé áit eile,

[141] *Written per John Short for his Diversion, being the first of his Irish writting and prays all that this little book Comes through their hands that they may be Careful of it. 1738.*<sup>459</sup>

---

<sup>456</sup> ARÉ 23I23 (410), lgh 6-7. Tá cóip eile den chaint seo in ARÉ 23M4 (332), lgh 75-6, agus cúpla athrú ar an téacs. Tosaíonn sé anseo, *A mhaighistir, ata sinn ro-uaigneach, agus déan gné éigin ...*, agus féach thuas don chríoch.

<sup>457</sup> ARÉ 23M4 (332), lch 76.

<sup>458</sup> COBÁC M24, lch 273. Mícheál Mhac an Bhaire a scríobh sa bhliain 1825.

<sup>459</sup> LNA 72.2.5, lch 217; i gcló ag Mackechnie (1973: 217 col. b).

Is dóigh go raibh Seán Mac an tSaoir (c.1729-1786)<sup>460</sup> agus Silbheastar Mhac Gibne (c.1796-1868)<sup>461</sup> ag cóipeáil lámhscríbhinní nuair a bhí siad 15 bliana d’aois; bhí Labhrach Mac Cdhnill (c.1698–) sa 17ú bliain dá aois agus a chuid de OÉG H37 á grafadh aige sa bhliain 1714; tharlódh sé nár mhó ná 18 mbliana d’aois a bhí Philip Ó Casaide (c.1759–) agus an lámhscríbhinn chailte OB G2 á grafadh aige idir na blianta 1777 agus 1778.<sup>462</sup> Más ceart an gnáth-thomhas a dhéantar ar dháta breithe Niocláis Uí Chearnaigh, c.1802, is dóigh go raibh sé thart faoi fhiche bliain d’aois nuair a thosaigh sé a scríobh COBÁC M6 sa bhliain 1823, agus thuigfí ón tréimhse fhada—52 bhliain—a chaith Muiris Ó Gormáin (*fl.*1734-88) ag scríobh in áiteacha éagsúla gur thosaigh seisean a fhoghlaim léamh na Gaeilge in aois a óige; is ionann scéal Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh (*fl.*1806-44). Ar an taobh eile den scéal, is aisteach an ní é nach bhfuil againn lámhscríbhinn ar bith de chuid Pheadair Uí Ghealacáin (c.1792-1860)—a bhfuil cnuasach measartha cuimsitheach acu againn— a scríobhadh roimh 1822, nuair a bhí sé thart faoi 30 bliain d’aois. Is dóigh go raibh Art Mhac Bionaid (1793-1879) 24 bliana d’aois sa bhliain 1817 nuair a ghraf sé an chéad lámhscríbhinn atá againn uaidh, ní nár tháinig chun solais ach fiche bliain ó shin. Cé nach bhfuil dáta leis an gcuid is mó dár fhág Aodh Mhac Domhnaill [2] (*ob.*1867) againn, is beag leid atá againn gur scríobh sé a lán Gaeilge roimh an mbliain 1842, nuair a thosaigh sé a obair do Roibeard Mac Ádhaimh thart faoi dheireadh na bliana sin; is féidir go dtuigfí as a chuid ortagrafaíochta agus an pheannaireacht nár thosaigh sé ar ghrafadh lámhscríbhinní go dtí go raibh sé measartha aibí. Sampla eile is ea Pádraig Ó Brinn ó Cho. an Dúin, a rugadh tuairim na bliana 1743, agus a bhfuil lámhscríbhinn againn dá chuid a grafadh idir na blianta

---

<sup>460</sup> Arna bhunú ar an aois a thugtar ar a leac uaighe; tá glacadh leis gur rugadh sa bhliain 1729 é, ach is fearr a rá, is dóigh liom, gur rugadh é c.1729.

<sup>461</sup> Bunaíodh an aois seo ar an aois a thugtar dó ar a theastas báis, a cláraíodh sa bhliain 1868, agus caithfear a bheith cúramach fúithi.

<sup>462</sup> De réir na haoise a thugann sé ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1821.

1778 agus 1781, lenar chuir sé rann breise sa bhliain 1795, agus is dóigh gur luathiaracht í, óir athraíonn an pheannaireacht cúpla uair tríthi.

Ar an taobh eile den scéal, is doiligh a rá cá fhad a leanadh na scríobhaithe orthu ag obair, ach is dóigh gur bhraith sin go príomha ar an duine féin, agus cúraimí an tsaoil, srl. Luaigh muid gur chaith Muiris Ó Gormáin breis agus leathchéad bliain ag grafadh lámhscríbhinní. Ar na tréimhsí is faide atá le sonrú ó na lámhscríbhinní, tá

<i>Tuaisceart:</i>			Fad
Art Mhac Bionaid	1817	1860	43
Fiachra Mhac Bhrádaigh	1722*	1755	33
Séamus Mac Giolla Chomhghaill	1868	1900* <sup>463</sup>	32
Pádraig Mhac Gatháin	1813	1844	31
Séamus Bacach Mhag Uidhir	1712	1746	34
Énrí Ó Caiside	1657	1703	46
Tomás Ó Doirnín <sup>464</sup>	1765	1802	37
Peadar Ó Gealacáin	1822	1860*	38
 <i>Baile Átha Cliath:</i>			
Aodh Ó Dálaigh	1721	1761	40
Muiris Ó Gormáin	1734	1786	52
Tadhg Ó Neachtain	1704	1752	48
Risteard Tuibear	1709	1742*	33

Thuigfí as lámhscríbhinn de chuid Fheidhlime Mhig Uidhir, a scríobhadh sa bhliain 1698, nár tuigeadh dó go mbeadh sé féin i gcumas mórán scríbhneoireachta eile a dhéanamh, agus gan é ach 56 bliana d'aois,

[142] Aniuadh an seiseadh lá déag do mhi Ianúari, 1698, do chríochnaigheas an leabhránsa, óir as é an préfás so um dhíaigh do bhí chum deiridh dhe, 7 as dóigh nach sgríobhuimsi a uirid eile a nGáoidhilig an feadh a mhairfead, óir atáim seacht mblíaghna déag 7 dá fhichiot a cceann chúig seachtmhuine don tSamhradh so chugainn, 7 fágbhuid an leabharsa ag mo charuid .i. an tAthair

<sup>463</sup> Tá na lámhscríbhinní a bhfuil réiltín leo anseo ar iarraidh anois.

<sup>464</sup> Má ghlactar leis gurb aon duine amháin atá i gceist anseo.

Tomás Ó Droma óir as e tug aithfrionn ris an stúaiġh do sgríobhadh dhe, <sup>7</sup> guidhim é féin agus gach léightheoir ar cheana, a n-onóir Chríosta agus a mhathar .i. Muire Bhaintighearna, fa ghuidhe go duthrachtach re hanam an sgríbhneóra, gidh beó, marbh é .i.

Feidhlime Mhág Uidhir.<sup>465</sup>

Is féidir, mar shampla, leithéidí Mhuiris Uí Ghormáin a lua le tacú leis seo; dhealródh sé go raibh na ceithre scór sáraithe ag Muiris nuair a ghráf sé an lámhscríbhinn dhátaithe is déanaí atá againn uaidh sa bhliain 1786, níos mó ná leathchéad bliain i ndiaidh dó tosú ar lámhscríbhinní a chur le chéile i gCo. Mhuineacháin; bhí Art Mhac Bionaid thart faoi 67 mbliana d'aois nuair a scríobh sé an lámhscríbhinn deiridh uaidh ar féidir dáta a chur léi sa bhliain 1860, agus bhí Séamus Ó Fearghail 69 mbliana d'aois, nó mar sin, nuair a thosaigh sé a scríobh an leabhair is déanaí atá againn óna láimh, IA 2, ar an 1 Eanáir 1835,

[143] ... airna sgríobhadh liomsa, Séamus Ó Ferraoíll ó Bhailláighbhothán, ansa deitheamh blíaghain, agus trí fithchiod dom aois ... January 1<sup>st</sup> 1835.<sup>466</sup>

An bhliain chéanna agus a scoir Seán Ó Duinn de ARÉ 23054 (1363) a scríobh, 1843, dúradh i nóta a chuir Michael Levins, Droichead Átha, chuig Roibeard Mac Ádhaimh go raibh Seon '70 years of age, without any family'.<sup>467</sup> Más ea go dtosaíodh na scríobhaithe, ar an móróir, ar lámhscríbhinní a ghráfadh agus iad ina stócaigh, idir 15 agus 20 bliain d'aois, abramis, mar a thuigfí go réidh ó na haoiseanna a tugadh do leithéidí Shilbheastair Mhic Gibne thuas, is é is dóichí go bhfuair siad blaiseadh de chineál éigin ar Ghaeilge a léamh, agus b'fhéidir a scríobh, mar chuid den scolaíocht bhunaidh a cuireadh orthu. I gcead don mhéid a dúradh cheana faoi ról na scoileanna scairte i gcúrsaí lámhscríbhinní, is dóigh nár dhearmad

<sup>465</sup> CT H.5.9 (1381), lgh 1-2. Tá an colafon seo i geló arís sa bheathaisnéis ar Fheidhlime Mhag Uidhir i gCaib. 2.104 thíos.

<sup>466</sup> IA 2, lch 1.

<sup>467</sup> LN G702(4). Féach an cuntas air i gCaib. 2.160.

d'Ó Muirgheasa (1916: v-vi) a áiteamh, agus taifid na 19ú hAoise ag tacú leis, gur beag áit a bhí ag an nGaeilge i gcúrsa teagaisc na scoileanna scairte. Tarlaíonn sé gur féidir linn a léiriú go raibh beirt mhúinteoirí (agus scríobhaithe) ag múineadh na Gaeilge mar ábhar ar leith ag tús na 19ú hAoise, Peadar Dubh Ó Dálaigh agus Eoin Ó Fionnagáin;<sup>468</sup> agus thairg Síomón Ó Macaoín dá chuid scoláirí 'a knowledge of that expressive language' a thabhairt dóibh, sa chás go raibh éileamh air.<sup>469</sup> Duine eile a raibh páirt phraiticiúil aige i dteagasc na Gaeilge ab ea an tOir. Uilliam Mac Néill (1774-1821), ar ndóigh.

Mar is follas ó na léibhéil éagsúla cumais a fheiceann muid sna lámhscríbhinní, tagann sé le céill gur phíosáilte an ní é cibé oiliúint a fuair na scríobhaithe i scríobh na teanga. Ó na tráchtais dhéanacha gramadaí a tháinig slán, ní fhéadfadh sé go raibh mórán ábhar teagaisc ar fáil dóibh, ach cuntais bheaga ar luachanna na litreacha go príomha, agus gur trí lámhscríbhinní eile a chóipeáil a fuair siad cur amach ar an obair.<sup>470</sup> Bhí foclóirí nua-aimseartha ag roinnt de na scríobhaithe ón 18ú hAois ar aghaidh—théidís dá gceartú go minic<sup>471</sup>—agus ábhar clóite eile, mar a dúradh thuas. An chuid is mó de na graiméir a dtagtar orthu sna lámhscríbhinní, níl iontu ach teoracha teannfhoclacha simplí ar luachanna fóinéimeacha na litreacha, agus iad á léiriú trí úsáid na litreacha a bhíonn ina gcionn sa Bhéarla. Tá sliocht an mhodha teagaisc seo ar shaothair na scríobhaithe laga, a chuireann grúpaí litreacha atá (gar do bheith) ar aon fhuaim lena chéile trína chéile i gcinnteacht, sa chaoi go bhfaightear

---

<sup>468</sup> Féach, maidir le Peadar Dubh Ó Dálaigh, an rann cáiliúil (*In teaching the young our old mother tongue*) as an bhfógra, *With all the desires that friendship inspires*, atá in LB Eg. 208, f. 137b, rann a cuireadh i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 139; tá an dán i gcló ina iomláine in Dowling (1935: 95-6). Maidir le hEoin Ó Fionnagáin, féach an tagairt do *Thuarascáil* 1834 sa chuntas air i gCaib. 2.168.

<sup>469</sup> Féach an fógra (1818) a cuireadh i gcló mar chuid dá bheathaisnéis i gCaib. 2.190.

<sup>470</sup> Is dóigh gur lean Cathal Ó Conchubhair modh éigin teagaisc den chineál seo agus Martin Hughes á oiliúint mar scríobhaí Gaeilge aige, óir scríobhann sé i litir chuig an Chevalier O'Gorman ar an 14 Márta 1781 nach raibh Martin Hughes ach 'barely fit for a facsimile'. Tá an litir i gcló in Mac Cathmhaoil (2013: 73 n.42).

<sup>471</sup> Féach ARÉ 12M9 (1114) agus CCM [C], mar shampla.

litríthe leathfhoghrúla ar fud na lámhscríbhinní, lámhscríbhinní na 19ú hAoise ach go háirithe.<sup>472</sup>

Thug Ní Úrdail (2000: 187)—a scríobh cuntas cheana ar shealbhú scrípte i measc scríobhaithe mhuintir Longáin—faoi deara gur tuigeadh do Sheán Pléimeann, Muimhneach,<sup>473</sup> go gcuirtí na scríobhaithe ag obair ar thráchtas ghradaí agus iad ag tosú amach ar an teanga scríofa a fhoghlaim—ní a thug deis dóibh an scríobh agus an pheannaireacht a chleachtadh; agus tá samplaí áitiúla againn.<sup>474</sup> Taobh leis seo, tá glacán cóipeanna de sheanghraméir i measc lámhscríbhinní an cheantair.<sup>475</sup> Na laigí atá ar na seantéacsanna seo, tá siad le sonrú ar chuid de na tráchtas dhéanacha fosta; féach go bhfuil, mar shampla, luachanna na litreacha mar a mhínítear iad bunoscionn leis an teanga labhartha. Tabhair faoi deara an plé a dhéantar ar *bh* agus *mh* thíos, sa sliocht seo as lámhscríbhinn le Bháitear Ó hEisleanáin, ARÉ 23I23 (410), a grafadh sa bhliain 1758, agus ar a dtugann sé *Short Irish Grammar* ag an deireadh,

... Abcdefghilmnoprstuv, ABCDEFGILMNOPRSTUV: Abg[h]itir na Gaoidhe<i>lge.

<sup>472</sup> Chonaic muid go dtarlaíonn sé amanna go gcuirtear cairn consan de chuid na Nua-Ghaeilge go meicniúil in ionad litreacha Béarla arb ionann a bhfoghar a bheag nó a mhór; tá claonadh láidir, mar a dúradh i gCaib. 1.2.4.3,  $y > dh, gh$ ;  $v, w > bh, mh$ , a scríobh. Féach na samplaí seo: ‘Sdhlbhester a Gibneadh a laimh sgríobha a mb[*l*]iadh do Aois an Tighearna MDCCC .7. XBH’, COBÁC A40, lch 81; ‘Iulgh’, C Add. 6561 (40), lch 44. Is toradh é seo, is dóigh, ar threoracha na dtráchtas gramadaí; féach na sleachta a thugtar ar an gcéad leathanach eile as graiméar Bháiteir Uí Eisleanáin. Tugtar faoi deara fosta go scríobhann Silbheastar teidil téacanna san *English character* sa lámhscríbhinn is sine dá chuid atá againn, COBÁC A40. Féach nóta 1544.

<sup>473</sup> San aiste a scríobh sé d’Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 1874, ARÉ 12Q13 (1126), lch 3.

<sup>474</sup> Tosaitheoir amháin a ghráf cóip de thráchtas gramadaí ab ea é an tAth. Séaghan Ó Donnghaile (*ob.c.*1748), ní a fuair sé ó Labhrás Ó Cathaláin (*fl.*1710-18) ó Bhaile Mhic Eileoid, Co. Lú, mac-chléireach a bhí ag déanamh staidéir i Lohháin. Ba in 1712 a chóipeáil an tAth. Ó Donnghaile an tráchtas seo isteach sa lámhscríbhinn ARÉ 2415 (1140), lgh 385-9, agus an chuma ar an bpeannaireacht gur féidir gur ceann de na chéad fhíosaí Gaeilge é dár scríobh sé.

<sup>475</sup> Tá plé maith ar na graiméir seo in Mac Aogáin (1968). I measc na gcóipeanna atá againn go fóill, is féidir COBÁC M10 a lua mar shampla fáin, lámhscríbhinn a bhí i gcuasach Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme tráth; agus LPBF 35, a scríobh Síomón Ó Macaoín sa bhliain 1788, ar mhaithe leis na mic léinn a bhí sé ag teagasc, is dócha, óir d’fhógair sé go luath sa chéad aois eile go mbeadh deis ag a chuid mac léinn an teanga a fhoghlaim ina scoil ach a iarraidh. Féach an cuntas ar a bheatha i gCaib. 2.190.

*b* or *bh* hath the force of an *v* consonant as, do bhuail do bhean me. *c* or *ch* is as *ċh* in Latin as, do cháill tu do chlúgh. *d* or *dh* hath the fore [*sic*] of *y* in the beginning of words & middle of compounds; no force anywhere else as, as beag mo dhuil an ndroch mhúna, a dhailtín. *f* or *fh* hath no force as, nior fhan se, <sup>7</sup> níer fhíafraith focal. *g* or *gh* hath the force of *y* in *y*<sup>e</sup> beginning of words and middle of compounds as, mo ghrá, mo ghean, mo chomhghra. *m* or *mh* hath the force of an *v* consonant as, do mheath a mheisneach. *p* or *ph* hath the force of an *f* as, is sé duine as fearr san phobalsa Phílíp. *s* or *sh* heath [*sic*] the force of an *h* as, ní rabh do shuil no do shron *ar* deághdhuine. *t* or *th* is a *h* as do thuit se thríd angeairt. *áéíóú* dash'd overhead are pronounced long as grán, céim, grían, cóir, úir. *n* overhead is *ra* as ...<sup>476</sup>

Tagann sraith nod agus giorrúchán a úsáideann litreacha forscríofa agus an *n*-stríoc ina dhiaidh seo. Pléitear córas scríofa an uraithe ansin, agus délitreacha eile; i nGaeilge atá an plé an tráth seo,

*b* roimh *f*: aig *b* amhain ata brígh, mar ata, san bhfarge. *bp* a ttus focuil: aig *b* a m[h]ain 'ta brígh, mar atá, a bpéi<n>. *dl*: brígh dhá *l* atá aca, mar ata codla. *dt* nó *tt*: brígh *d* ata aca, mar ata, san ttáobh tháll. *gc* no *cc*: brígh *g* ata aca, mar ata, se a cceann an niomuire. Is éigin beagan do bharr na t(h)eanga chur amach thar na fíacla, anait a tteangmheódh dha <.> no dha *n* a bhfocul an aice *cc*. Brígh *m* bhíos aig *mb*, mar ata, bhi me mo luighe a mbruit shíoda. *dn* nó *nd*: dhá *n* iad ach mar ccasdar an ndeire aicídeadh íad, marata, peand, domhan=da. *ng*: ní ruintear a mbrígh san ccanamhain, mar atá, sa ngeall oram féin do thug tú an deóch sin dhamh. ...<sup>477</sup>

Leanann breis giorrúchán agus nod an méid sin. Tá ag na tráchtas bheaga seo aon tréith chomóna ar a laghad: is é sin go dtógann siad uilig ar an eolas a bhí ag an léitheoir ar scríobh an Bhéarla, agus is dóigh nár tosaíodh ar an nGaeilge a theagasc do dhaltáí nach raibh léamh an Bhéarla acu cheana féin, nó geall leis, sna blianta déanacha seo, go dtí gur bunaíodh an *Irish Society* i dtreo dheireadh na 1810í.

Tráchtas gramadaí eile den chineál seo is ea an ceann a chuir Ristead Pluincéad lena leabhrán, agus an chomhairle seo aige don fhoghlaimeoir, 'ANY of my Countrymen,

<sup>476</sup> ARÉ 23I23 (410), lgh 2-3. Níor bhac mé leis na focail Ghaeilge anseo a roinnt mar ba cheart, cé go ndearna mé leasú beag ar an bponcaíocht.

<sup>477</sup> ARÉ 23I23 (410), lgh 4-5. Féach nóta 476 thuas.

though advanced in Years, who has a tolerable notion of Letters, and can speak and understand his native Language, may easily read it, by the help of these few directions, and a little Application' (Plunthead 1791: 32; Ó Casaide 1929b: 13). Cuid de na gramadóirí a chuir na tráchtas seo le chéile—máistrí scoile a raibh ábhar teagaisc uathu go príomha, dealraíonn sé—is follas nárbh aon shaineolaithe foirfe ar a gceird iad, mar is soiléir ón ngiota seo thíos ina bhfuil an tuiseal tabharthach iolra in úsáid in áiteacha nach mbeifí ag súil leis, tharla gur ar a chluais féin, agus ar thuiscint éigin go raibh a leithéid de thuisseal ann, a bhí an tiomsaitheoir seo [? 18ú hAois] ag brath, agus ní ar phrionsabail na gramadaí. Ní eile, tá an meascán teangacha mar thréith den tráchtas gearr seo fosta,

Roinntear na litreacha 'na nguthaighibh agus 'na cconsoinibh, & na guthaighibh [*sic*] a cúig a líon .i. *a, e, i, o, u*. Na guthaighibh [*sic*] a dóidheag a líon .i. *b, c, d, f, g, l, m, n, p, r, s, t*. ... Roinntear na déaghfhoghartaibh [*sic*] & na tréaghfhoghartaibh [*sic*] a ccúig haicmeadhaibh amhail a deir a' file san rann so, ...<sup>478</sup>

Ó tharla gur thraidisiún oidhrechtúil riamh déantús na lámhscríbhinní, sa tseanaimsir agus i dtréimhse na Nua-Ghaeilge araon, d'fhéadfadh sé nár scaipeadh litearthacht sa Ghaeilge trí na scoileanna amháin. Tagraíonn de Brún (2011: 105) don 'seachadadh leanúnach idirghlúine' ba ghné thábhachtach de thraidisiún liteartha na Gaeilge sa chomhthéacs seo. Thuigfí gan stró go dtagann na sloinnte céanna aníos i measc na scríobhaithe, nach de na seanteaghlaigh léannta uilig iad, agus tá sciar samplaí againn de ghaolta gairide a lean de scríobh na teanga laistigh den cheantar seo,<sup>479</sup> agus i gceantair liteartha eile—cosúil le muintir Longáin a bhí lonnaithe i gCo.

<sup>478</sup> LPH 12075M, ff. 12, 12v. Tá an pheannaireacht cosúil go maith le lámh fhoirmeálta Eoin Mhic Cadhaidh, scoláire Gaeilge ó Cho. Ard Mhacha, agus tá cóip d'ábhar eile atá thar a bheith cosúil leis an ngraiméar seo in OCH 498, ar scríobh an tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill ó Cho. Ard Mhacha í go luath san 18ú hAois.

<sup>479</sup> Tugtar cuntais ar na scríobhaithe seo uilig i gCaib. 2; féach na scríobhaithe atá ar aon sloinne lena chéile sa chlár, Michael Bennett agus Art Mhac Bionaid (deartháireacha); Aindrias Briosaín agus



Chorcaí go príomha; Seán Ó Neachtain agus a mhac, Tadhg Ó Neachtain, a d'fhág níos mó lámhscríbhinní againn ná a athair féin; agus féach gur chuir Edward O'Reilly, glacaim leis, a bheirt mhac ag cóipeáil lámhscríbhinní. Níl easpa samplaí de seo i measc na scríobhaithe dúchasacha. Sampla maith de seo<sup>480</sup> is ea an díomá a bhí ar Art Mhac Bionaid faoina chlann féin, nárbh fhiú 'three Jack straws' iad ó thaobh léinn de, mar a mhínigh sé do Roibeard Mac Ádhaimh<sup>481</sup>—bhí deartháir leis, Michael Bennett, ina scríobhaí, agus chaitheadh a n-athair, John Bennett, cuid ama i gcomhlúadar Eoin Mhic Cadhaidh, scríobhaí áitiúil ó dheisceart Cho. Ard Mhacha.<sup>482</sup> Ba scríobhaithe iad na deartháireacha Toirdhealbhadh Mhag Uidhir, a raibh cónaí air gar d'Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach, agus Peadar Mhag Uidhir; b'amhlaidh don Ath. Brian Ó Cathaláin agus Pádraig Ó Cathaláin; is an tOir. Aindrias Briosaín<sup>483</sup> agus Somhairle Briosaín; bhí Cormac Ó Caiside agus Énrí Ó

---

Somhairle Briosaín (deartháireacha); Mícheál Mhac an Bhaire agus Pádraig Mhac an Bhaire; Proinsias Mhac an Ultaigh agus Séamus Mac an Ultaigh; Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1] agus Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2]; Peadar Mhag Uidhir agus Toirdhealbhadh Mhag Uidhir; John Leo Nicolas, Seán Niocláis agus Séamus Seán Niocláis; Cormac Ó Caiside agus Énrí Ó Caiside; Éamonn Ó Caiside ar shin-seanuncail é le Philip Ó Caiside agus Proinsias Ó Caiside; Brian Ó Cathaláin agus Pádraig Ó Cathaláin (deartháireacha); Michael Carolan agus Éadbhard Ó Cearbhalláin; Seán Ó Cléirigh agus John T. O'Clery (athair agus mac); ? Muiris Ó Fearghail agus Uilliam Ó Fearghail; ? Conchubhar Ó Luínín [1] agus Labhrás Ó hArann; ? Éamonn Ó Raghallaigh agus Pádraig Ó Raghallaigh; L. Tuibear agus Risteard Tuibear. Sinseanathair le Labhrás Ó hArann ab ea é Giolla Phádraig Ballach Ó Luínín, is dóigh, cé nach mbaineann sé le tréimhse na Nua-Ghaeilge, agus bhí páirt ag Séarlas Ó Luínín ag cuid mhaith den teaghlach céanna. De bhreis air so, d'áitigh Matha Mórdha Ó Graeme gur scríobh a athair, Patrick M. Graham, COBÁC M10 in 1805; féach go raibh mac Thomáis Uí Chonchubhair, Thomas O'Conor, a rinne obair pháirce don tSuirbhéireacht Ordanáis, in inmhe Gaeilge a scríobh (Ó Muirgheasa 1937); go raibh an Patrick Coyle a cheap dán i gCo. an Chabháin sa bhliain 1825 (ní atá i gcló in Ó Mórdha (1958*d*)) ina dhuine muinteartha le Séamus Mac Giolla Chomhghaill; sa bhreis ar L. Tuibear agus Risteard Tuibear, shínigh Simon Tipper ó Shr. na gCócáirí MN C92 (g). Do cheantair liteartha eile, féach de Brún (2011: 104-5), a fhéachann orthu mar shamplaí den 'leanúnachas teaghlaigh ... gné amháin ... den seachadadh leanúnach idirghlúine a rinneadh ar thraidisiún léinn na Gaeilge, bíodh is gur scáinte an seachadadh sin go minic'. An méid seo ráite, thig linn neamart a dhéanamh den tuairim gur scríobhaí é mac Pheadair Uí Ghealacáin, Peter Gallegan; féach an cuntas air i gCaib. 2.171.

<sup>480</sup> Thug mé liosta de na scríobhaithe a raibh páirt acu le scríobhaí nó scríobhaithe eile i nóta 479 thuas, ach tugaim cuid acu thuas arís. Is féidir a léiriú go raibh páirt ag 38 scríobhaí díobh siúd a bhfuil plé orthu i gCaib. 2 le scríobhaí amháin eile ar a laghad—sin 16.5% den líon scríobhaithe atá i dtrácht i gCaib. 2.

<sup>481</sup> Féach an litir atá i gcló in Ó Mórdha (1957: 381-2).

<sup>482</sup> Féach na cuntais ar Michael Bennett agus ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.3, 2.40.

<sup>483</sup> Níor scríobhaí traidisiúnta é amach is amach, de réir an eolais atá againn, ach bhí sé in ann script ghaelach a scríobh, agus dhealródh sé go raibh sé le hábhar Gaeilge a ghrafadh ó bhéalaithe ar Féile na gCruitirí i mBéal Feirste sa bhliain 1792. Féach an cuntas air i gCaib. 2.5.

Caiside ag cuidiú lena chéile lámhscríbhinn a chur le chéile i lár na 17ú hAoise; b'ionann an scéal i gcás Mhíchíl Mhic an Bhaire agus Phádraig Mhic an Bhaire a scríobh an dá lámhscríbhinn atá againn uathu i bpáirt lena chéile;<sup>484</sup> an scéal céanna i gcás an fhile Éamonn Ó Caiside, ar gharuncail é le Proinsias Ó Caiside, agus mac (?) Phroinsias é féin, an Philip Ó Caiside a thug dánta de chuid shean-Éamoinn do Pheadar Ó Gealacháin sna 1820í; agus ní ceist dúinn go raibh páirt ag Éadbhard Ó Cearbhalláin le Michael Carolan—cá bhfios dúinn nach raibh gaol acu beirt leis an Edmond Carrollan a bhí i mbun pinn seasca bliain roimh a ré. Tarlaíonn sé amanna go bhfaigheann muid dhá shraith pheannaireachta in aon lámhscríbhinn amháin, agus iad sínithe ag aon duine amháin, sin nó b'fhéidir ag beirt ar aon ainm lena chéile, agus gan dóigh ar bith againn a rá cé acu sin atá fíor.<sup>485</sup>

Tagtar ar chorrleid go gcuirtí lámhscríbhinní ar aghaidh trí na glúnta i dteaghlaigh áirithe nár sheanteaghlaigh léannta iad mar sheoda fine fosta. D'fhág seanathair Bháiteir Uí Eisleanáin (*fl.*1758-65), Donnchadh Ó hEisleanáin, lámhscríbhinn chráifeach le huacht aige 'chum go mbiuidh sé ag guidh rena anam' sa bhliain 1759,<sup>486</sup> nó go gairid roimhe sin; scríobh Cormac Mac Cuan (*fl.*1720-39) leabhar in 1728 do Shéamus Ó Ceallacháin a bhí i seilbh ——— O'Callaghan éigin ó Shr. na Mainistreach, Baile Átha Cliath, in 1808 nuair a thug sé iasacht den leabhar do Charles Vallancey.<sup>487</sup> Dá muintir nó dá gcairde féin a bhí scríobhaithe eile ag cur

<sup>484</sup> Ní féidir ceangal praiticiúil a lua idir iad agus na filí Gaeilge darbh ainm sin a bhí ina mbeatha sa 17ú hAois agus roimhe sin.

<sup>485</sup> Féach an plé a rinneadh ar na tagairtí éagsúla atá againn do dhuine / do dhaoine darbh ainm Tuileagna Ó Maoil Chonaire in Mac Aogáin (1968: xi-xii).

Amanna eile, ní bhíonn sé éasca tagairtí do dhaoine ar aon ainm le scríobhaithe áirithe a cheangal leis an scríobhaí féin. Féach, mar shampla, an tagairt atá againn don lámhscríbhinn chailte, Phillipps 6931, a scríobh Francis O'Reilly sa bhliain 1731. Cé acu Proinsias Ó Raghallaigh [1] nó Proinsias Ó Raghallaigh [2] atá i gceist? Nó an bhfuiltear ag trácht ar scríobhaí eile?

<sup>486</sup> CPD 2, f. 1, 'As é Bháiteir O hEslinnan fear an leabhairsi. D'fh[ai]g a sheanathair, Donnchadh O hE[s]linnan chum go mbiuidh sé ag guidh rena anam'. Féach Ó Mórdha (1961: 181).

<sup>487</sup> Féach an litir atá istigh leis an lámhscríbhinn, LPH 12052M. Tugtar nóta in Mac Lochlainn (1958: 230).

lámhscríbhinní le chéile—ghraf Matha Mac Giolla (*fl.*1731-50) leabhar dá mhac, Eoin Mac Giolla (1731–), idir 1746 agus 1750—duine eile a thosaigh ar léamh na Gaeilge agus é tuairim agus 15 bliana d’aois;<sup>488</sup> scríobh Henrí Mhac Muirheartaigh (*fl.*1723-5) lámhscríbhinn dá charas Críost, Seon Ó Loingsigh; ghráf Pádraig Gruamdha Ó Siadhail (*fl.*1657-8) lámhscríbhinn dá ‘sheise’, Pádraig Óg Ó Siadhail; agus thug Art Mhac Bionaid lán saic dá chuid lámhscríbhinní do mhac leis, John Bennett, nuair a bhí sé ar tí imeacht go Sasana (Donnellan 1908: 67).

### **1.3.3. Nótaí Pearsanta**

Táthar ar an eolas le fada gurbh é an dóigh ar scaipeadh litríocht na Gaeilge ar an móróir go gcuireadh na scríobhaithe ábhar chuig a chéile nó go scríobhaidís cóipeanna d’ábhar idir shean agus nua dá chéile, sa dóigh go bhfeiceann muid téacsanna agus lámhscríbhinní á mbabhtáil idir contaetha an Tuaiscirt a fhad is a leanadh den scríobh ar bhonn measartha substaintiúil sa taobh sin tíre. Tuigtear fosta gur tharla briseadh, mar gheall ar chúinsí staire den chuid ba mhó, is dóigh, idir dúichí léinn a bhí scartha go maith óna chéile, de réir mar a d’athraigh seasamh agus cúinsí lucht léann na Gaeilge sa 17ú hAois, agus ag tús na 18ú hAoise. Suíomhann Ó Mórdha (2004: 76) an ‘briseadh’ seo i gcás thraidisiúin an Tuaiscirt agus an Deiscirt—nó b’fhéidir gurbh fhearr briseadh idir Leath Chuinn agus Leath Mhogha a rá—sna blianta thart faoi dheireadh na 18ú hAoise, agus diomaite de gur shroich roinnt téacsanna Muimhneacha an Tuaisceart ina dhiaidh sin, cuid acu trí scoil Thaidhg Uí Neachtain—a bhí ina cineál d’idirghabhálaí idir na cúigí éagsúla sa chéad leath den 18ú hAois—tchíonn muid gur bheag baint ar an móróir a bhí ag scoláirí na Mumhan agus an Tuaiscirt lena chéile. Is dóigh gur chuidigh athruithe i dteanga na litríochta Nua-Ghaeilge a bhí á ceapadh faoin am sin leis an scéal; agus is

---

<sup>488</sup> Féach thuas.

féidir go raibh baint ag leathnú na litearthachta a bhí ina lárchuid d’athruithe sochúla na 18ú hAoise leis, ní a ligfeadh do scríobhaithe gréasáin bheaga áitiúla a chur le chéile trína mbeidís in ann ábhar a scaipeadh. Fágann sin go ligean na lámhscríbhinní, agus seachadadh téacsanna trí chéile dúinn tuairim gharbh a fháil ar na gréasáin bheaga seo.

De réir mar a scaipeadh na lámhscríbhinní, chuirte ainnneacha sealbhóirí agus léitheoirí leo scaití, ní a fhágann muid le taifead garbh ar roinnt de na háiteacha ar ghabh na lámhscríbhinní trí na blianta, agus a ligean dúinn tuairim a fháil ar na ceangail a bhí idir scríobhaithe a bhí lonnaithe gar dá chéile, agus píosa maith ar shiúl óna chéile fosta.

[144] Leabhar Phadruic Óig I S[h]iaghail, & da racha se ar seachran *beanacht* Dia & na heaglusi don t(h)e dobearadh do fen é.<sup>489</sup>

[145] ... 1734. Aig so leabhar ann Athair Seadhmuís Uí Scullin. James Ô Scullin is y<sup>e</sup> true owner of this Book.<sup>490</sup>

[146] Bryan Sharkey’s book bought May 16<sup>th</sup>, 1838.<sup>491</sup>

Is ionann an scéal i gcás cuid bheag de na nótaí a chuir léitheoirí leo,

[147] Borrowed this book from Matthew Kennedy of Woode[n]stow[n]. Batt Ward, his hand, ... June ye 27, 1802.<sup>492</sup>

[148] Scriptum per me Patrick Duff, Roachestown, May the 25<sup>th</sup>, 1808. Borrowed from Richard Kearns of Kilberr<y>. I wish him health, wealth & prosperity to himself & family.<sup>493</sup>

---

<sup>489</sup> ARÉ 23K42 (447), fordhuilleog thosaigh. Ba é Pádraig Gruamdha Ó Siadhail a ghráf an lámhscríbhinn seo do Phádraig Óg Ó Siadhail.

<sup>490</sup> MN B7, lch 88. Tá a shíniú ar lch 45 fosta, áit ar shínigh Godfridus O’Keane an lámhscríbhinn sa bhliain 1758.

<sup>491</sup> MN B1 (a), lch 62; i gcló san *M.N. Cat.*, iv, 111.

<sup>492</sup> MN B1 (b), lch [179b]; i gcló san *M.N. Cat.*, iv, 112.

<sup>493</sup> OÉG H10, fordhuilleog chúil, gan uimhir.

[149] Patrick Clarke his hand, 1798, but P. Thomas P. Conolon's book wri[tten] by himself ... 1798.<sup>494</sup>

Chuir Michael Mackin an nóta seo le lámhscríbhinn a bhfuair sé tamall di ó Phádraig Mhac Gatháin,

[150] Patrick M<sup>c</sup>Gahan of Dungully written by Michael Mackin of Dorsey Finiskin in the Parish of Creggan and County of Armagh. Sir, I humbly ask your pardon for this freedom I have made.<sup>495</sup>

Cuid mhaith de na nótaí a chuir léitheoirí agus sealbhóirí leis na lámhscríbhinní, níl iontu ach sínithe, sa dóigh gur doiligh a rá go minic goidé an bhaint a bhí ag na daoine seo leis na lámhscríbhinní féin. Ach tarlaíonn sé, ar ndóigh, nuair a bhíonn giotaí eolais ar fáil faoi na daoine seo ó fhoinsí eile, go dtugann siad garbhchuntas dúinn ar stair na lámhscríbhinne. Uaireanta eile, bíonn eolas iontach soiléir sna nótaí seo.

Is féidir linn, mar sin, féachaint ar roinnt samplaí de lámhscríbhinní a léiríonn seo— ARÉ 24P4 (92), LN G1304, agus LN G231. Is sampla iontach speisiúil an chéad lámhscríbhinn mar gheall ar a haois agus a liacht nótaí atá inti agus tagairtí atá ar fáil di. Thug Mac Cathmhaoil (2017) cuntas iontach speisiúil ar a hábhar. Ba é Pádraig Mac Oghannáin a scríobh í sa bhliain 1687, agus is éard atá inti, ARÉ 24P4 (92), an cnuasach is fearr dánta atá ar fáil do Chlann Mhathghamhna Fhearnmhaighe, ar ceapadh a bhformhór mór do Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna (*ob.*1689).<sup>496</sup> Pátrún uirthi ní luaitear inti, agus is beag atá ar eolas fúithi go dtí gur tharla sí i seilbh Phádraig Uí Bhrinn, O.P., ó Chill Chua, Co. an Dúin, a chuir a ainm léi sa bhliain 1795 (de Brún & Herbert 1986: xvii *n.*57). Le linn do Bhrian Ó Cuív a bheith

---

<sup>494</sup> COFLA F1, lch i.

<sup>495</sup> ARÉ 24L34 (815), lch 202.

<sup>496</sup> Déanfar plé gasta ar an lámhscríbhinn seo i gCaib. 1.4.1.3, 1.4.7.

ag clárú LBO Ir.e.4 (a) (16), lámhscríbhinn a ghráf Eoin Ó Gribín ó Bhaile Mhic Gríocháin idir 1798 agus 1799, thug sé faoi deara gur dóigh gur baineadh cuid d'ábhar na lámhscríbhinne sin as ARÉ 24P4 (92), ní a líonann cuid den phictiúr dúinn. Ba é an chéad duine eile ag a raibh sí, go bhfios dúinn, Séamus Ó Brinn, agus diomaite de go meabhródh a shloinne dúinn gur féidir go raibh páirt ag Séamus agus Pádraig Ó Brinn lena chéile, dealraíonn sé nach dócha sin ach oiread, tharla gur Mhíoch ó dhúchas é Séamus. Ba mháistir de chuid an *Irish Society* é Séamus, agus an chéad sealbhóir eile, Art Mhac Bionaid, a chuir a ainm léi áit amháin. Fuair Roibeard Mac Ádhaimh, pátrún Airt, greim uirthi am éigin roimh an mbliain 1852,<sup>497</sup> agus is féidir gurbh í an 'old manuscript left to me as a legacy' a thug Art do Roibeard sa bhliain 1846.<sup>498</sup>

Lámhscríbhinn eile ar fiú spéis a chur inti ar an ábhar céanna is ea í LN G1304, lámhscríbhinn a luadh cheana.<sup>499</sup> Ghráf Conchubhar Mhag Aodha í, agus tá an 21 Feabhra 1681[2 ?] léi mar dháta áit amháin. Is é is dóigh le hÓ Fiaich (1974: 296-7) gurbh é an pátrún a luaitear inti, an tAth. Giolla Phádraig Mac Murchaidh, an tAth. Patrick Murphy, S.P. an Chreagáin, a bhfuil a ainm curtha ar *Liosta Cláraithe* na bliana 1704. Is ar bhonn na ndánta a bhaineann le Clanna Néill atá sa lámhscríbhinn a mheas sé amhlaidh, tharla go dtagraíonn ceann acu, *Díombuan ceannas Chloinne Néill*, do bhás Airt Uí Néill, ar eisíodh páipéir tiomnacha ar a éastát sa bhliain 1682. Má ba cheart sin dó, is dóigh gur grafadh an lámhscríbhinn áit éigin i ndeisceart Cho. Ard Mhacha nó ar an taobh eile den teorainn i gCo. Mhuineacháin, áit a raibh an lámhscríbhinn ag an Ath. Proinsias Mac Ardghail (*fl.*1731-44) i bparóiste Chluain

---

<sup>497</sup> De réir an cheangail a cuireadh uirthi; féach Ó Cuív (1969-70: 143-4) agus de Brún & Herbert (1986: xv col. a).

<sup>498</sup> Litir ó Art Mhac Bionaid chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 7 Eanáir 1846, a cuireadh i gcló in Ó Mórdha (1957: 368-9), LN G702(15), mír 1.

<sup>499</sup> Féach an plé a rinneadh thuas i gCaib. 1.2.1 ar cholafoin 11, 12.

Tiobrad thart faoi lár na 18ú hAoise. Ní luaitear log nithiúil ar bith sa lámhscríbhinn ach amháin i nóta an Ath. Mhic Ardghail, ní a léiríonn go maith nach féidir brath ar nótaí léitheoirí agus eile le háit scríofa na lámhscríbhinní a mheas.

Is beag eile atá ar eolas faoin lámhscríbhinn nó go bhfuair Eoin Ó Gribín greim uirthi ag deireadh na 18ú hAoise. Níor fhág sé lorg a láimhe ar an lámhscríbhinn, ach is follas go raibh sí roimhe agus é ag grafadh LBO Ir.e.4 (a) (16) idir na blianta 1798 agus 1799; dúradh cheana gur bhain sé cuid d’adhmaid na lámhscríbhinne sin as ARÉ 24P4 (92), ach ní féidir a léiriú go bhfuair sé an dá lámhscríbhinn ón duine céanna. Ní fios dúinn céir leis í ina dhiaidh sin, ach gur bhain sí cnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh amach sa 19ú hAois, cosúil le ARÉ 24P4 (92).

An sampla deiridh a thabharfar anseo, LN G231, is doiléire go mór an t-eolas atá againn i dtaobh a cuid sealbhóirí. Ba í Tomás Ó hEochaidh a scríobh í sa bhliain 1747, agus ar fhorghuilleog na lámhscríbhinne, tá an nóta seo a leanas i láimh scríobhaí anaithnid, lámh nach bhfuil mórán idir í agus stíl pheannaireachta Thomáis féin,

[151] Beannacht Dia agus Muire, Eoin Baiste et Phádrúig, do chuideachta gach conair a ngéabhthar d(h)uine úasail theaiseamhuil do thaisgeadh na mbrathar thug dhamhsa an leabhar da ngoirthear deth Beatha <Ch>riosda na grasda no go ndearnsa athnúadhughadh le peann ar pháipeir; is bheirim dhut buidheachas a mhaighstir hÓidh na raibh diomdha an Righ ata os ar gcionn a n-á<i>rde leats no lioms no leana’ gcáirde.<sup>500</sup>

Diomaite de go bhfuil leid mhaith againn gur dóigh gur mháistir scoile é Tomás, mar gheall ar an nóta thuas, níltear in ann an lámhscríbhinn a cheangal le contae ar bith, ná ní heol dúinn cérbh é an Nicholas Reid a fuair tamall di ó Thomás é féin sa bhliain 1778, mar a mheabhraíonn nóta uaidh,

---

<sup>500</sup> LN G231, lch i. Tá na nótaí seo uilig i gcló san *N.L.I. Cat.*, vi, 31.

[152] Aig so beatha agus bas air Slannaightheora Iosa *Críost*. Bannacht air th'annam(h) Thomas I hOidh air shon tamalt don lamhransa thabhairt damh féin a mblian d'Aois a' Tighárna & a' m[h]í dar b'innim <Sep>tember 1778, <Nicho>las Reid.<sup>501</sup>

Sin dhá chóip nach bhfuil againn, go bhfios dom, a baineadh as an lámhscríbhinn. Is é an nóta deiridh a cuireadh leis an bhfordhuilleog seo an líne ‘Leabhar Ioseph Mic Alaoir’,<sup>502</sup> agus ní eile, is ar fhaisnéis an nóta seo amháin, a scríobhadh ag tús na 19ú hAoise, is féidir linn tuairim a fháil ar an áit a raibh an lámhscríbhinn faoin am sin— i gCo. Mhuineacháin. Nuair a cheannaigh údaráis na Leabharlainne Náisiúnta an lámhscríbhinn seo ó dhíoltóir leabhar in Newcastle-upon-Tyne sa bhliain 1928, thug siad díolaíocht don fhear céanna as dhá lámhscríbhinn Ultacha eile an tráth sin, LN G227 agus LN G228.<sup>503</sup> Tá nóta sealbhaithe ó ‘Joseph Lear’ (*al.* McAlear) ar LN G227, ar scríobh Aodh Mhac Cába a hábhar idir na blianta 1800 agus 1801; agus is dóigh, trí pheannaireacht an scríobhaí seo agus nóta Ioseph Mhic Alaoir in LN G231 a chur i gcomórtas lena chéile—na cinnteidil mhaisithe ach go háirithe—gurbh é Aodh a scríobh an nóta sealbhóra ar a shon. Cibé acu is fíor sin nó nach fíor, is féidir Ioseph Mac Alaoir a cheangal le deisceart Cho. Mhuineacháin, ní a léiríonn go raibh ceangal dá laige é ag LN G231 leis an gcontae sin lá. Tugann na lámhscríbhinní seo sampla idéalach den chineál nótaí a ligeann dúinn a scéal a rianú siar le beagán saothair, ach is minice fós nach féidir tátal a bhaint as an ábhar, nó nach mbíonn oiread agus nóta amháin sa lámhscríbhinn a chuirfeadh feoil le cnámha a scéil.

---

<sup>501</sup> LN G231, lch ii.

<sup>502</sup> LN G231, lch ii.

<sup>503</sup> Féach na cuntais ar na trí lámhscríbhinn seo san *N.L.I. Cat.*, vi, 21-5, 31-2.



#### **1.4. Na Lámhscríbhinní de Réir Contae**

Tharla go bhfuil cuid mhaith oibre déanta cheana féin in Ó Baoill (2007) ar dháileadh lámhscríbhinní an Tuaiscirt, agus mar gheall ar an sainmhíniú a thugann sé ar ‘Thuaisceart na lámhscríbhinní’ ann, tá gach contae i gCúige Uladh, Co. Lú, Co. na Mí, Co. na hIarmhí, agus Co. an Longfoirt curtha san áireamh aige, gach contae atá i dtrácht againn anseo seachas Co. Liatroma nár measadh gurbh fhiú é a fhágáil ar lár toisc gur cuid de Bhréifne é, ar an tuiscint gurb ionann Co. Liatroma agus Bréifne Uí Ruairc nó geall leis.<sup>504</sup> Chinn mé ar shaorúsáid a bhaint as an alt sin anseo, óir bheadh na tagairtí iomarcach, toisc gur beag scríobhaí nó pátrún nach ndearnadh tagairt dó ann áit éigin.

##### **1.4.1. Oiriaila: An Lú, An Mhí, Ard Mhacha, Muineachán**<sup>505</sup>

Scríobhadh ionann agus gach lámhscríbhinn atá againn ó Oiriaila idir na blianta 1650 agus 1870, na blianta idir 1750 agus 1850 ach go háirithe, agus is beag leid fhisiciúil atá againn go raibh traidisiún láidir scríbhneoireachta in Oiriaila i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Litríocht chráifeach nó nua-aimseartha is ábhar do na lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge bunús uilig, óir is beag spéis a chuirte, dealraíonn sé, i seanábhar léannta, ar nós annála, ginealach, srl., ann ón 18ú hAois ar aghaidh. Tá sé geall le bheith mar shaintréith idirdhealaithe idir lámhscríbhinní Oiriaila agus Bhréifne san 18ú hAois go dtuigfí go héasca gurbh ar mhaithe le siamsaíocht an ghnáthléitheora a grafadh lámhscríbhinní Oiriaila, nó a mbunáite, agus is é an t-aon saothar staire a raibh fáil air go flúirseach in Oiriaila ‘Foras Feasa air Éirinn’

---

<sup>504</sup> Féach an nóta teicniúil.

<sup>505</sup> De réir an tsainmhíneithe a thug mé féin sna Nótaí Teicniúla (Uimh. 2) thuas, ba cheart Co. an Dúin a chur san áireamh anseo, ach chinn mé, ar mhaithe le simplíocht, ar an gcontae sin a phlé le Co. Aontroma thíos, tharla gur féidir cultúr an léinn a rianú siar píosa maith ann.

Shéathrúin Céitinn, cé gur beag cóip de a rinneadh sna glúnta a tháinig i ndiaidh Sheoin Mhic Sholaidh agus a lucht comhaimsire.

Tá an chuid is mó den litríocht atá i lámhscríbhinní Oiriaila cosúil lena bhfaightear i lámhscríbhinní ceantar eile, is é sin, meascán de laoithe fiannaíochta, idir shean agus nua; dánta cráifeacha le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Séathrún Céitinn agus a leithéid; cóipeanna de shaothair chráifeacha próis, ar nós ‘Eochairsgiath an Aifrin’, ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’, *Parrthas an Anma* (1645), *Lochrann na gCreidmheach* nó *Lucerna Fidelium* (1676), agus eile; scéalta rómánsaíochta, agus píosaí eile ar nós ‘Mac na Míchomhairle’; próis cráifeach eile, Teagaisc Chríostaí, urnaithe; tráchtas bhunúsacha gramadaí, giotaí d’annála ó am go chéile, ‘Foras Feasa air Éirinn’, búrdúin agus dánfhocail, agus corrdhán grádha, aoir nó amhrán. Téann traidisiún Oiriaila de thraidisiúin na gceantar liteartha eile ar dhá dhóigh: an nua-fhilíocht a cumadh ó dheireadh na 17ú hAoise ar aghaidh ann, agus saothrú an phróis ar éiríodh as i gceantair eile, mar a scríobh Ó Buachalla (1975: 24-5) cheana féin, ‘... ábhar traidisiúnta fréamhaithe ... is mó a saothraíodh i mBréifne sa tréimhse sin is nár tháinig chun cinn in aon chor ann, murab ionann is Oiriaila sa tréimhse chéanna, aon nuaphrós cruthaitheach’. Maidir leis an bhfilíocht chomhaimseartha, ba iad Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Ragnall Dall Mac Domhnaill, agus Eoghan Ó Donnghaile na filí ba mhó le rá ag deireadh na 17ú hAoise agus i mblianta luatha na chéad aoise eile; fuair Séamus Mac Cuarta agus Pádraig Mac a Liondain beirt bás sa bhliain 1733. Tháinig ina ndiaidh siúd Peadar Ó Doirnín, scríobhaí agus file, i lár na 18ú hAoise, agus Art Mac Cumhaigh ina dhiaidh sin. Ar ndóigh, bhí cuid mhaith mionfhilí ann, cuid acu ina scríobhaithe a chumadh píosaí, rainn scríobhaithe den chuid ba mhó: Pádraig Mac Oghannáin, b’fhéidir, Muiris Ó Gormáin, Brian Ó Cathaláin, agus dream eile a chumadh rainn bheaga, nós a chuaigh i dtreise sa 19ú

hAois, nuair ba mhinic an scríobhaí a bheith ina mhionfhile, agus tá iarrachtaí againn ar fhilíocht a cheapadh ó chúigear den seisear scríobhaithe ba mhó a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní in Oiriaila sa 19ú hAois: Peadar Ó Gealacháin, Art Mhac Bionaid, Nioclás Ó Cearnaigh, Aodh Mhac Domhnaill [2], agus Peadar Dubh Ó Dálaigh; chum an séú duine acu, Pádraig Mhac Gatháin, cúpla rann i mBéarla agus rann scríobhaí i nGaeilge.

Tá Eoghan Ó Donnghaile (*ob.*1697)—más ceart eisean a áireamh mar nua-fhile amach is amach<sup>506</sup>—le háireamh i measc na bhfilí a fuair sciolladh óna lucht comhaimsire as siocair é a bheith ag ceapadh dánta i meadarachtaí scaoilte.<sup>507</sup>

Cumadh cuid dá shaothar chomh fada siar leis an mbliain 1679, agus tá samplaí

---

<sup>506</sup> Scríobhadh nótaí beathaisnéise ar an bhfile seo idir dhá ré in *Beath.* 1560-1781, 134 col. b – 135 col. b, O'Reilly (1820: cc), Ó Tuathail (1943-4: 115), Duffy (1965: 311-15), Ó Doibhlin (2000: 419-21), agus in áiteacha eile. Mhaigh O'Rahilly (1924: viii) gur ghráf sé CT H.5.28 (1399), an lámhscríbhinn ina bhfuil an cnuasach is mó dá chuid dánta, agus a grafadh idir na blianta 1679 agus 1682 (féach Duffy (1965: 314)), ach ní féidir faisnéis bheacht a sholáthar a thacódh leis sin. Don lámhscríbhinn, féach nóta 116 thuas.

Tá cuid mhaith dá shaothar againn go fóill, agus tá fáil air i lámhscríbhinní a grafadh sa Deisceart fosta; ní ceist dúinn gurbh Ultach é. Deir Ó Tuathail (1943-4: 115), mar gheall ar an seasamh a ghlac sé in aghaidh dhán Dhiarmada Ruaidh Mhic an Bhaird—seasamh ba cheannfháth le *hIomarbhá na Láimhe Deirge* (*c.*1691)—ar son mhuintir Néill, gur dóigh gurbh as Co. Ard Mhacha nó as Co. Thír Eoghain dó. Tuairimíonn Ó Tuathail (1943-4: 115) gurbh ionann é agus an sagart Owen Donnelly ar cheap Naomh Oilibhéar Pluincéad é in áit James O'Callaghan [? i bparóiste Loch gCoiligh], Co. Ard Mhacha, thart faoin mbliain 1680. Bhí an duine seo 55 bliana d'aois, agus ina shagart paróiste in Ard Mhacha nuair a cuireadh *Liosta Cláraithe* na bliana 1704 le chéile. Leanann Duffy (1965: 314) an méid seo, ach tá mairgne an fhile ar caomhnú in MN C92 (*g*), *Olc an scéal i dtaoibh ó thuaidh*, a léiríonn gur cailleadh an file sa bhliain 1697. Tugtar Eoghan mac Shéamuis Óig Uí Donnghaile air sa mhairgne, agus deirtear gur 'saoi in gach aiste faoi seach' a bhí ann. Thuigfí ón dán gur shagart é, ach ní hionann é agus an sagart a luadh thuas, Owen Donnelly (*ob.c.*1724). Dúradh cúpla uair, agus in Ó Doibhlin (2000: 419-21) le déanaí, gurbh as Co. Thír Eoghain é ach tá an cheist sin fós le réiteach. Is féidir, ar ndóigh, gurbh eisean—mar a mheas O'Reilly (1820: cc)—a chum *Trom na garrtha seo do(n) Leith Chuinn* ar bhás Bhriain Mhig Mhathghamhna (*ob.*1689), ach leagtar an dán ar chúpla file sna lámhscríbhinní. Cheap Ó Muirgheasa (1916a: 70) gur chum Pádraig Mac a Liondain é. An chóip is mó údarás, ARÉ 23D7 (397) a scríobh Muiris Ó Gormáin in aois a óige (thart faoin am a raibh ceangal aige le muintir Mhearráin i ndeisceart Cho. Mhuineacháin), leagtar an dán ar Eoghan Ó Donnghaile sa lámhscríbhinn sin, agus is dóigh le heagarthóir dhánta Phádraig Mhic a Liondain, duine eile ar ar leagadh an dán, gurbh é Eoghan Ó Donnghaile an t-údar (Mag Uidhir 1977: viii). Tá an dán in eagar ag Ó Muirgheasa (1916a; 1934: 212-18). Thabharfadh sé sin ábhar maith dó, má bhí seisear agus Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird (féach nóta 564 thíos) ag scríobh don phátrún céanna, tabhairt faoi Dhiarmaid Ruadh. Féach nóta 815 thíos, áit a dtugtar eolas breise faoin *Iomarbhá* sin. Is dóigh gurbh eisean a scríobh an aoir thábhachtach sin, 'Comhairle Mhic Clámha'; féach Duffy (1965: 311-14), srl.

<sup>507</sup> In ógláchas atá an chuid is mó acu.

d’amhráin againn óna láimh in CT H.5.28 (1399).<sup>508</sup> Níorbh ionann do Dhiarmaid mac Laoisigh Mhic an Bhaire (*fl.*1647-89),<sup>509</sup> duine den bheirt a thug feannadh d’Eoghan: is follas gur chloígh sé chomh docht agus ab fhéidir leis leis na seanmheadarachtaí nuair a bhíodh sé ag cumadh dá phríomhphátrúin—Brian mac Colla Mhig Mathghamhna, agus a mhac Brian, ó Fhearnmhaigh, Co. Mhuineacháin—ach ba bheag file a tháinig ina dhiaidh a chloígh leo, agus bhí Eoghan agus Diarmaid Ruadh ar an nglúin deiridh a mbíodh fáil ar a gcuid dánta i lámhscríbhinní an Deiscirt fosta. Tá dánta na bhfilí eile seo, ón am ar thosaigh Séamus Mac Cuarta agus eile a chumadh filíochta ina gcanúint féin, le fáil i lámhscríbhinní Oiriaila agus Bhaile Átha Cliath amháin, seachas cóip fáin nó dhó a tharla i gCúige Mumhan i lár na 19ú hAoise. Cé go gcastar le cumadóireacht fhilí Bhréifne go han-mhinic i lámhscríbhinní Oiriaila, ní bhíonn a mhalairt i gceist,<sup>510</sup> agus d’fhéadfaí méid na ndánta déanacha Muimhneacha (18ú hAois) a scríobhadh isteach i lámhscríbhinní an Tuaiscirt féin, gan trácht ar Oiriaila, a chomhaireamh ar mhéara aon lámhe amháin go deimhin: i lámhscríbhinní Cho. Liatroma atá a bhformhór.

An dara tréith neamhghnách de chuid lámhscríbhinní Oiriaila, na scéalta rómánsaíochta, tá dhá chineál acu ann: na cinn a bhfuil fáil orthu i gceantair liteartha eile ar nós ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, nó eile, agus scéalta rómánsaíochta eile nach mbíonn cóipeanna acu i lámhscríbhinní lasmuigh den cheantar. Dealraíonn

---

<sup>508</sup> Féach nóta 116 thuas.

<sup>509</sup> Féach nóta 564 thíos.

<sup>510</sup> Ní hionann an scéal don bheagán lámhscríbhinní atá againn a scríobhadh in oirthear Cho. an Chabháin sna blianta luatha den 19ú hAois; is ar éigean a d’fhéadfaí saindifríocht a aithint idir iad agus lámhscríbhinní iarthuaisceart Cho. na Mí, lena mbíodh teagmháil ag na scríobhaithe seo, agus i measc an ábhair a fhaigheann muid i lámhscríbhinní ar nós LC 1, SPB 1, SPB 2, agus LJR Ir. 83 go sonrath, tá dánta de chuid Oiriaila—an chóip is luaithe de ‘Úirchill an Chreagáin’ (in LJR Ir. 83) ina measc. Féach an plé a rinneadh ar Cho. an Chabháin thíos.

sé gur cumadh an chuid is mó den dara cineál scéalta seo in Oiriaila, agus i dtréimhse na Nua-Ghaeilge, nó go gairid roimhe sin. In alt a d'fhoilsigh Ó hUiginn (2009) le déanaí, taispeántar gur féidir na scéalta 'nua-aimseartha' seo a roinnt ina dtrí chuid, na scéalta luatha a bhfuil fáil orthu i lámhscríbhinní ar nós CT H.5.28 (1399), 'Tóraidheacht Gruaidhe Griansholas', 'Eachtra Mhelóra agus Orlando',<sup>511</sup> srl. Sa dara roinnt, tá scéalta ar nós 'Eachtra na gCuradh', 'Coimheasgar na gCuradh', 'Teagmhála Duibh Mhic Deaghla agus a Chloinne', agus 'Eachtra Mhuireadhaigh mhic Diaindeirg', a cumadh san 18ú hAois. Leis na scéalta seo, thig linn an fhorbairt dheireanach de Leagan IIb de 'Táin Bó Cuailnge' a áireamh, agus measann Ó hUiginn (2009) gur dócha nárbh fhada ó thaobh ama agus áite ó Phádraig Ó Pronntaigh an té a chum iad. Sa tríú roinnt, tá na scéalta a 'chóipeáil' Art Mhac Bionaid d'Éamonn Augustus Mag Aonghusa.<sup>512</sup> Tá samplaí eile de scéalta rómánsaíochta a cuireadh le chéile i dtréimhse na Nua-Ghaeilge in áiteacha eile lasmuigh d'Oiriaila. D'fhéadfaí an scéal cailte 'Eachtra Alcámenes agus Menalope' a chur san áireamh anseo, mar aon leis na trí scéal a thiontaigh Maghnus Ó Domhnaill, sagart ó Cho. Dhún na nGall, ó Spáinnis go Gaeilge,<sup>513</sup> agus léirigh Watson (1979: 14) go raibh cumadh an phróis mar thréith de thraidisiún liteartha Bhréifne fosta. Tá cúpla scéal rómánsaíochta ann a cumadh i gCúige Mumhan fosta, ach chuathas le filíocht a cheapadh sa taobh sin tíre go príomha. Ní fhaightear na scéalta déanacha Muimhneacha seo i lámhscríbhinní an Tuaiscirt de ghnáth.<sup>514</sup> De

<sup>511</sup> Measann Draak (1946: 5) nár cumadh 'Eachtra Mhelóra agus Orlando' i bhfad roimh 1650. Tá an téacs in eagar faoi dhó, in Mhac an tSaoi (1946), agus in Draak (1946). Tá trí chóip de ar fáil, CT H.5.28 (1399), a scríobhadh in 1679; CT H.3.16 (1335) ar cóip í den chéad lámhscríbhinn a ghráf Uilliam Ó Loingsigh: idir na blianta 1696 agus 1697 a scríobhadh an ceann seo; agus LB Eg. 106, cóip eile le hUilliam Ó Loingsigh, ach go raibh sé ag tarraingt ar a chóip féin an uair seo. Tá an chuid seo de LB Eg. 106 gan dáta. Féach Draak (1946: 4-6, 15-17).

<sup>512</sup> Féach na cuntais ar an mbeirt scríobhaithe seo i gCaib. 2.38, 2.40 thíos (bhí Éamonn ina scríobhaí measartha agus ina phátrún maith).

<sup>513</sup> Féach an cuntas air i gCaib. 2.152 thíos.

<sup>514</sup> Déanann Bruford (1969: 50-1) tagairtí do chúpla scéal Muimhneach a ceapadh thart faoin 18ú hAois. Is dóigh liom go bhfuil giota de 'Eachtra Chuinn Láidir' istigh le COBÁC A40, agus go bhfuil

bhreis ar na scéalta fada seo a scríobhadh in Oirialla, tá leithéidí ‘Eachtra Boic Bhaile Bionabhuidhe’,<sup>515</sup> agus ‘Comhrac an Chú Dhuibh’.<sup>516</sup> Faightear píosaí eile in *prosimetrum* sna lámhscríbhinní, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Comhairle Comissarius na Cléire’, ‘Lucht na Simléirí’,<sup>517</sup> agus bíonn pasáistí próis i roinnt dánta den sórt seo a chum filí Oirialla san 18ú hAois: ‘Tuireamh Chaisleán na Glasdromainne’ le Séamus Mac Cuarta; ‘An Cléireach Bán’ Pheadair Uí Dhoirnín; dánta Phádraig Mhic a Liondain agus Raghnaill Dhaill Mhic Dhomhnaill ar Bhrian Ó Cuagáin, agus eile.<sup>518</sup> Féach, taobh leis na dánta seo, dán eile de chuid Raghnaill Dhaill Mhic Dhomhnaill, *A Chreagáin uaibhrigh, fána mbíodh sluaighthe*.<sup>519</sup>

#### 1.4.1.1. An Lú

Is aisteach an ní é nár cuireadh amach go fóill, go bhfios dom, liosta iomlán de scríobhaithe Cho. Lú, ach tá neart de na scríobhaithe a bhí gníomhach ann i dtréimhse na Nua-Ghaeilge (1650 ar aghaidh) liostaithe ag Ó Baoill (2007), agus tá mórán tagairtí ag Ó Mórdha (1958c) do scríobhaithe na 19ú hAoise ina eagrán de chuid de na litreacha atá in LN G702. Féach fosta an t-eolas mion a thugtar ar bhaill de ‘scoil’ Airt Mhoir Uí Mhurchadha in Duffy (1987; 1988; 1989; 1989a) agus in Ó Dufaigh & Ó Doibhlin (1989). De bhreis air seo, tá beathaisnéisí maithe i gcló ar

---

an giota sin i lámh Shéamus Uí Threasaigh. Féach an plé a dhéantar ar Shéamus Ó Treasaigh i gCaib. 2.224.

<sup>515</sup> In eagar ag Ó Muirgheasa (1916: 182-7), Ó Doibhlin (2006), agus eile.

<sup>516</sup> Tá cúpla cóip lámhscríofa den scéal gearr seo i lámhscríbhinní ó dheisceart Cho. Ard Mhacha agus ó thuaisceart Cho. Lú, agus sna contaetha fá gcuard, m.sh. ARÉ 24L34 (815), Pádraig Mhac Gatháin; C Add. 4436 (19), Pádraig Ó Luain; COFLA D6, Art Mhac Bionaid; LN G200 (a), Peadar Ó Gealacáin.

<sup>517</sup> Tá na trí théacs seo i gcló in Duffy (1965), Ó Dufaigh (1966), agus Ó Dufaigh & Rainey (1981); Ó Dufaigh (1970); agus Harrison (1973-4). Tá neart eolais ar na cóipeanna éagsúla de ‘Comhairle Mhic Clámha’ agus de ‘Lucht na Simléirí’ i gcló sna heagrán sin, ach b’fhiú a lua go bhfuil an dara cóip de ‘Comhairle Comissarius na Cléire’ ann in OÉG H9, a ghráf Peadar Ó Maoil Chéile i gCo. na Mí, is dóigh, sa bhliain 1793.

<sup>518</sup> Tá na téacsanna seo i gcló in Ua Muireadhaigh (1925: 89-95); Ó Buachalla (1969: 44-6) agus de Rís (1969: 39-42); agus in Mag Uidhir (1977: 19-25).

<sup>519</sup> Maidir le dán Raghnaill Dhaill, féach Harrison (1979: 23-4) ar dóigh leis gur sampla de chrosántacht é, cosúil le ‘Lucht na Simléirí’ agus eile.

scríobhaithe aonair, m.sh. Peadar Ó Doirnín, Pádraig Ó Pronntaigh, Séamus Mhac Giolla Choille, srl., déantar tagairtí do na foinsí sin i gCaib. 2.78, 2.149, 2.201.

B'fhíor d'Ó Baoill (2007: 83) a áiteamh nach bhfuil againn ach beagán ó cibé scríobhaithe a bhí ag saothrú sa chontae seo roimh c.1730, ach más ea, d'fhág an drong a tháinig ina ndiaidh méid iontach mór lámhscríbhinní againn, nuair a chuirtear san áireamh méid an chontae seo i gcomórtas leis na contaetha eile atá timpeall air. Áirím féin don chontae seo isteach is amach le 30 scríobhaí Nua-Ghaeilge a bhfuil toradh a saothar againn. Cuirim, i gcás na coda seo, cló trom (aon uair amháin) ar na scríobhaithe Nua-Ghaeilge a bhaineann go díreach leis an gcontae atá á phlé. Is gnách nach dtugtar ach beagán eolais anseo cheal spáis; féach Caib. 2, mar a dtugtar cuntais níos iomláine ar na scríobhaithe.

Diomaite de gur doiligh teacht ar lámhscríbhinní meamraim ar bith a bhfuil ceangal acu le Co. Lú, is fiú cuimhneamh air go bhfuil tagairtí fáin againn do leabhair chailte a raibh baint acu leis an taobh seo tíre—cuirim i gcás *Lebor Gerr* Mhainistir Bhuíthe as ar scríobhadh cuid de *Lebor na hUidre*, agus an leabhar úd—*Liber Cuanach*—as ar baineadh cuid d'ábhar *Annála Uladh*, más fíor don tuairim go bhfuil an duine seo le haithint le Cuanu (*ob.*825), ab Lú. Is doiligh a léiriú gur phátrúin bhisiúla aon mhórtheaghlach díobh siúd a bhí lonnaithe i gCo. Lú le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, cé go bhfuil cúpla tagairt againn do bhaill de roinnt teaghlach—muintir Haidseir, Mhic Artúir (Chamberlain), Gearnon, Pluincéad, agus Táth—a bheith ceangailte leis an léann de réir mar a théann muid isteach sa 17ú hAois.

Duine acu, is dóigh, ab ea Roibeard Mac Artúir (c.1572-1636), an té a ghlac páirt in *Iomarbhágh na bhFileadh* ag tús na 17ú hAoise. Thuigfí ón sloinne a bhí aige gur

dhuine de mhuintir Chamberlain ón Ísealráth, Co. Lú, é (Mhág Craith 1980: 199), tharla go bhfuil a fhios againn gur bhain sé leis na huasalaicmí. Mar anamchara Énrí Uí Néill is mó a chuimhnítear air, ach bhí páirt spéisiúil aige i gcúrsaí Gaeilge a linne féin. Scríobh sé a thiomna sula ndeachaigh sé isteach in Ord San Proinsias sa bhliain 1611, ní atá fós ar coimeád i bpáipéir an Oird.<sup>520</sup> Is ábhar spéise gur fhág sé a chnuasach leabhar—ní féidir a áiteamh go raibh leabhair Ghaeilge ina measc—ag an gcoinbheint Phroinsiasach i nDroichead Átha agus é ag súil leis, ba dhóigh leat, go rachadh an cnuasach i méad le himeacht aimsire,

... fágaim a bhfuil do leabhraibh agam aig Mainistir San Proinsias a nDroichead. Fágaim an mhéid atá agam ar an righ, re haghaidh an Clodh-Gaoidhilge agus ... ma bhionn aon ní os a cionn sin do thabhairt ar leabhraibh don Mainistir cheadna. ... Fágaim an mheid dfhiachaibh atá amuich agam chun leabhar do ceannach ... agus ordaighim na leabhair sin mar an gceadhna do Mainistir an Droichead.<sup>521</sup>

Is dóigh le Mhág Craith (1980: 201), a d'fhág gearrchuntas againn air, gur beag oiliúint a fuair sé ar scríobh na Gaeilge sula ndeachaigh sé go Lobháin, tharla go bhfuil neart dearmadtaí litrithe sa tiomna. Bhí baint éigin aige fosta leis an bhfeachtas cló i Lobháin—ba eisean agus Antonius Hiquaeus a scríobh na *happrobationes* a cuireadh le *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* (1618). D'éag sé in aois a 64 bliana sa bhliain 1636. Is féidir linn a bheith measartha sásta gurbh as Oiriaila d'Antoin Gearnon,<sup>522</sup> údar an leabhair *Parrthas an Anna* (1645)—agus ó tharla go ndeirtear gur thug sé cúl leis an oidhreacht mhór ba dhlite dó óna mhuintir le dul isteach in Ord San Proinsias, is féidir gur bhain sé le muintir Bhaile an Ghéarlánaigh .i. 'Castlebellingham' an lae inniu. Bhí LN G11 i seilbh **Sheoirse Haidseir**, duine de mhuintir Hadsor nó de Haddesore a raibh baint láidir acu le Co.

<sup>520</sup> COBÁC A30(10), agus tá sé i gcló i gcúpla leabhar, m.sh. Ó Lochlainn (1932; 1939: 97-8).

<sup>521</sup> Ó Lochlainn (1932: 104).

<sup>522</sup> Tugtar cuntas maith agus tagairtí d'Antoin Gearnon in Ó Fachtna (1953: vii-xvii).



Lú, an lámhscríbhinn ina bhfuair Binchy *Bretha Crólige* agus *Bretha Déin Chécht*,<sup>523</sup> agus a raibh baint éigin aici le muintir Chaiside tráth. Chuir Seoirse Haidseir rann Gaeilge leis an lámhscríbhinn agus shínigh Laurence Hadsor, duine eile dá mhuintir í sna blianta 1677 agus 1679. Dealraíonn sé gur chaith Énrí Ó Caiside (*fl.*1657-1703), an scríobhaí Gaeilge, tamall ina lia do mhuintir Pluincéad, Barúin Lú, nó tá tagairtí do lia darbh ainm Henry Cassidy(e) i dtiomna Mhatha Pluincéad, a scríobhadh sa bhliain 1689. Tugann Mac Íomhair (1966: 72-3), an té a chuir an tiomna i gcló, le tuiscint go bhfuil tagairtí don Henry céanna i bpáipéir an teaghlaigh sin idir na blianta 1672 agus 1690. Is eol dúinn go raibh Énrí an scríobhaí ‘ag *tarruing* go <hA>onach an Droichitt’ ar an 21 Meán Fómhair 1657.<sup>524</sup> Is féidir go raibh sé i gCo. Mhuineacháin sa bhliain 1690, agus níos faide siar arís sa bhliain 1703.<sup>525</sup>

Lámhscríbhinn leighis [? 16ú hAois] eile a chaith seal sa ‘County of Loyt’ agus in oirdheisceart Cho. Mhuineacháin is ea í MN C8.<sup>526</sup> Chonaic muid cheana go raibh cnuasach leabhar ag Uilliam Táth (*ob.*1736) i Ráth Naoite, Co. Lú, go luath san 18ú hAois, ach is ar éigean atá lámhscríbhinn ar bith againn a d’fhéadfaí a shamhlú a bheith sa chnuasach sin. Bhí an lámhscríbhinn spéisiúil sin ARÉ 23D3 (502) i seilbh Henry Carroll ó Chillín Cúile, Co. Lú, tráth. Ní fios cár grafadh í, ach go ndearnadh sin sa bhliain 1681, agus go bhfuil inti taobh le hábhar a shamhlófaí go réidh le lámhscríbhinn ar bith de chuid na 18ú hAoise, cóipeanna de dhánta le Diarmaid

---

<sup>523</sup> Féach Binchy (1938; 1966).

<sup>524</sup> ARÉ E.iv.2 (995), f. 3v. Féach an cuntas ar Énrí Ó Casaide i gCaib. 2.119, áit a dtugtar an colafon seo focal ar fhocal.

<sup>525</sup> Féach an cuntas a scríobhadh air i gCaib. 2.119. D’fhéadfadh sé gur rugadh áit éigin in Oiriaila é.

<sup>526</sup> Lámhscríbhinn pháipéir is ea í MN C8 a grafadh sa 16ú hAois, b’fhéidir, agus cé nach bhfuil ainm an scríobhaí againn, bhí sí ag Seán Ó Siadhail (John Shiell) idir na blianta 1650 agus 1672, mar a mheabhraíonn sé dúinn arís is arís eile. Fuair Brian Mac Cana í tar éis a bháis, agus dhealródh sé go raibh sí fós aige sa bhliain 1708. Chuir Séamus Dubh Mac Bheatha giotaí Gaeilge léi, am éigin sa dara leath den 17ú hAois nó ag tús na 18ú hAoise, b’fhéidir, ar an bpeannaireacht. Thuigfí ó nótaí eile inti go raibh sí i gCo. Lú agus i gCo. Mhuineacháin sa 17ú nó san 18ú hAois fosta. Ba mhaith an rud é dá ndéanfaí staidéar éigin ar an lámhscríbhinn seo, ó tharla go bhfuil ceangailte istigh léi dhá leabhar chlóite ar chúrsaí leighis, ar foilsíodh ceann acu i Londain sa bhliain 1586. Bhí cúpla file in Oiriaila dar sloinne Mac Cana, Brian Óg Mac Cana agus Niall Ó Cana, agus is dóigh gur bhain siad leis an bhFíodh, Co. Ard Mhacha. Féach na tagairtí atá san *M.N. Cat.*, v, 10-13, agus do Phádraig Gruamdha Ó Siadhail ó Uíbh Eachach, Co. an Dúin, i gCaib. 2.218.

Ruadh Mac an Bhaird agus le Cian Ó hEachaidhín. D'fhéadfadh sé gurbh as Co. Lú d'Énri Mac Ardghail (*fl.*1653-94), bráthair a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní i bPrág sa bhliain 1663, agus sa Róimh sa bhliain 1694; thugadh sé Henricus Ardelius air féin.

An chuid is mó de na lámhscríbhinní atá againn ó Cho. Lú, is sa dúiche thart ar Dhún Dealgan in íochtar an chontae a scríobhadh iad idir an 18ú hAois agus an 19ú hAois, áit a raibh an teanga beo ar éigean go fóill sa dara leath den aois seo caite. Ba ann, is dóigh, a rinneadh an t-athscríobh deireanach ar 'Táin Bó Cuailnge', am éigin sa chéad leath den 18ú hAois. An dá athscríobh, b'fhearr a rá, ó tharla go bhfuil dhá fholeagan ar leith den athscríobh seo ar fáil, (*a*) ceann amháin a bunaíodh ar Leagan Stowe (IIb), agus (*b*) ceann eile a bunaíodh ar an leagan céanna, ach ina bhfuil léamha a bhfuil an chuma orthu gur baineadh as lámhscríbhinn de chuid Leagan III iad.<sup>527</sup> Níltear in ann a rá go fóill cé a rinne iad, nó an é go bhfuil an duine céanna freagrach as an dá fholeagan seo, ach tá claonadh ar leith ann na téacsanna (fholeagan (*a*), cibé rud é) a shamhlú leis na filí / scríobhaithe a bhí gníomhach thart faoi Dhún Dealgan *c.*1730, ar an ábhar gurb í an tagairt is sia siar atá againn do na téacsanna seo an tseanchóip a ghráf **Peadar Ó Doirnín** (*ob.*1769) sa bhliain 1730. Tá an chóip sin cailte le fada an lá, ach bhí sí roimh Phádraig Ó Loingsigh ó Loch an Oileáin, Co. an Dúin, agus é ag grafadh ábhair do Shomhairle Ó Coltran (*ob.*1801) i nDún Dealgan sa bhliain 1800. Ar scáth a bhfuil i gcóip Phádraig, ba chóip d'fholeagan (*a*) í lámhscríbhinn Pheadair, agus bhí an tuairim ag O'Rahilly (1961: lvii) gur féidir 'that they all derive from the 1730 manuscript written by Peadar Ó Doirnin'. Ní dochreidte an ní é gurbh é Peadar file a rinne an obair sin, óir bhí an-chur amach aige ar lámhscríbhinní, is dóigh. An dá lámhscríbhinn ar féidir iad a cheangal leis go

---

<sup>527</sup> Féach O'Rahilly (1961: lviii).

sásúil anois, léiríonn siad go raibh an-chumas aige san obair, CM L7(3-5), a scríobhadh sa bhliain 1740, agus LN G190, ar scríobh Peadar an chuid is mó di i mBaile [? hEi]dhne [? sa bhliain 1758]. An chuid eile de LN G190, tá sí i lámh atá iontach cosúil leis an stíl pheannaireachta a bhí ag an scríobhaí bisiúil is mó a cheanglaítear le Peadar Ó Doirnín, **Pádraig Ó Pronntaigh** (fl.1732-63). Diomaite de go dtugann sé féin le fios gur bhain a shinsir le Co. Fhear Manach, áit éigin taobh le Loch Éirne, is cosúil gur chaith sé an chuid is mó dá shaol i dtuaisceart Cho. Lú, agus tá leid i ndán a cheap sé c.1738 go raibh cónaí air gar do Bhaile Mhic Scanláin.<sup>528</sup> Tá deich lámhscríbhinn de chuid Phádraig againn go fóill, a scríobhadh idir 1732 agus 1763 ina bhfuil go leor d'fhilíocht Oirialla curtha síos aige, cuid di dá chumadh féin, ach níor leis an bhfilíocht amháin a chloígh sé. Sa Leabharlann Náisiúnta, tá lámhscríbhinn bhreá, LN G457, a ghráf Pádraig sa bhliain 1759 atá lán le scéalta próis. Tá, anuas ar an méid seo, dornán lámhscríbhinní gan síniú a bhfuil baint éigin acu, is dóigh, le hobair Pheadair Uí Dhoirnín agus Phádraig Uí Phronntaigh.<sup>529</sup>

Deir Art Mhac Bionaid (1793-1879) ón mBaile Caol, Co. Ard Mhacha, i lámhscríbhinn dá chuid a ghráf sé d'Éamonn Augustus Mag Aonghusa (c.1821-1877) go bhfuair sé a chóip de 'Turas Nuala Chaomhchrothach Inghein Ríogh na Fraince go hÉirinn' as lámhscríbhinn le Michael Conery, ní a chuir sé le chéile i mBaile Risteaird sa bhliain 1760.<sup>530</sup> Léirigh Ó hUiginn (2009) go bhfuil roinnt ceisteanna le freagairt faoin eiseamláir seo, agus cuid de na heiseamláirí eile a luaigh Art sa lámhscríbhinn seo, CM T2, agus in CM T1 fosta. De bhreis air sin, tá cosúlachtaí móra idir na téacsanna uilig, agus go bhfuil cuid mhaith cosúlachtaí eatarthu agus

---

<sup>528</sup> Féach an cuntas a thugtar air i gCaib. 2.201.

<sup>529</sup> Féach CM L3 (b), LPBF 6, OÉG H34 (cuid di), srl.

<sup>530</sup> Colafon Airt in CM T2, lch 379.

saothar próis an Bhionadaigh, ‘Comhrac na nGall agus na nGael le Chéile’, ní a chuir sé i gcrích don phátrún céanna. Ar an ábhar seo, agus ós rud é nach féidir teacht ar lámhscríbhinn ar bith a bhfuil síniú Michael Conery uirthi, nó ar lámhscríbhinn le haon duine eile de scríobhaithe na n-eiseamláirí a luann sé (ba as Co. Ard Mhacha don chuid eile acu), caithfidh muid a bheith ar ár n-airdeall maidir le tagairtí den chineál sin. Bhí bráthair darbh ainm Michael Conery i nDeoise Ard Mhacha thart faoin am sin, tuairim is an bhliain 1782 (Mooney 1955: 81), ach ní féidir liom é a cheangal le lámhscríbhinn Ghaeilge ar bith, ná le Baile Risteaird. Is sábháilte, measaim, glacadh leis an eolas atá ag Séamus Mac Giolla Chomhghaill (c.1836-1917) ar sheanleabhar ina bhfuair sé ‘Litir Nuala’, aistriúchán de chuid Risteaird Pluincéad ó Cho. na Mí, óir ba dó féin a bhí Séamus ag scríobh. As lámhscríbhinn le Tomás Tannam ó Bhaile Roibín, Co. Lú, a bhain sé an t-ábhar sin, agus dhealródh sé gur grafadh an lámhscríbhinn am éigin idir an cheathrú dheiridh den 18ú hAois—an uair a ceapadh an t-aistriúchán, is dóigh—agus na blianta 1874-1882, nuair a ghráf Séamus Mac Giolla Chomhghaill a chóip féin i gCo. an Chabháin.

Duine eile a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní do Shomhairle Ó Coltran ab ea **Donnchadh Mag Oireachtaigh** (fl.1782-96), scríobhaí ó Dhún gCuaile. Bhí grúpaí gníomhacha scríobhaithe ag saothrú i nDún gCuaile, baile fearainn i bparóiste Fhochaird sa tréimhse idir na blianta 1780 agus 1840, agus tá leideanna maithe ina gcuid lámhscríbhinní go raibh ceangal láidir idir cuid de na scríobhaithe lena chéile—Donnchadh Mag Oireachtaigh agus **Éadbhard Ó hEachaidh** (fl.1782-1820) ach go háirithe. Cé nach bhfuil an oilteacht chéanna le brath ar a gcuid saothar agus atá ar obair Pheadair Uí Dhoirnín agus Phádraig Uí Phronntaigh, mar shampla, d’fhág siad dhá chnuasach thábhachtacha d’fhilíocht Pheadair Uí Dhoirnín againn,

agus roinnt ábhar próis fosta, m.sh. ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’. Dhealródh sé, ar fhaisnéis MN M103, baint a bheith ag Ardghal Ó hAnluain leo, ach ní fios cár bh as dó go díreach. Tharlódh sé gur chineál de chomharba ar a gcuid oibre é **Pádraig Mhac Gatháin** (*fl.*1813-44), cé gur féidir a léiriú nár bhraith sé go hiomlán ar obair na beirte sin lena chuid lámhscríbhinní féin a dhéanamh. De bhreis ar an gcóip de ‘Itche an Aithrighigh’ a chuir Uilliam Iordan chuige mar bhronntanas sa bhliain 1840, fuair Pádraig Mhac Gatháin greim ar roinnt seanleabhar eile a ghraf Aodh Ó Néill ó Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin. Fuair sé ceann acu, lámhscríbhinn dar dháta 1792 nach bhfuil againn, ar iasacht ó **Mhícheál Ó Tónair** (*fl.*1817-24), scríobhaí Gaeilge eile a raibh cónaí air i mBaile na Lorgan; agus ghraf sé cuid d’ábhar ARÉ 24L34 (815) aisti. Ní fios an ó Mhícheál a fuair sé COFLA MF9, sraith cóipeanna a rinne Aodh idir na blianta 1802 agus 1803 as lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin, leabhar a fuair sé (.i. Aodh) ó Sheán Tancart i mBaile Átha Cliath. Ghraf Pádraig Mhac Gatháin a chóip féin den ábhar sa bhliain 1843, agus scríobh an tAth. Pádraig Ó Luain, ar an bpeannaireacht, nóta isteach i lámhscríbhinn de chuid na 18ú hAoise, COFLA D1 (*a*), ina dtugann sé le fios gur le Pádraig Mhac Gatháin an lámhscríbhinn an uair sin, 1844. Bhí lámhscríbhinn de chuid Aodha Uí Néill<sup>531</sup> i gcuasach an scoláire Gaeilge, Patrick Callan ó Bhaile na Cloiche [Greyacre], Co. Lú, scoláire a raibh aithne mhaith aige ar bhaill de scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha. Is féidir, ar an ábhar sin, gurb é an scríobhaí Pádraig Ó Cathaláin (*fl.*1788-93) é. Más ea, ba dheartháir leis an Ath. Brian Ó Cathaláin (*ob.*1804) é, agus ba i gCo. Mhuineacháin a rugadh é.

Ba as Co. Ard Mhacha don Ath. Pádraig Ó Luain, agus tá cosúlachtaí ó thaobh ábhair idir cuid de na leabhair a scríobh seisean agus scríobhaithe Dhún gCuaile ar

---

<sup>531</sup> COBÁC M22. Féach an nóta a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh faoi ar an bhfordhuilleog thosaigh.

an móróir. Ghraf **Eoghan Ó Dúiche** (fl.1826-7) cúpla dán i lámhscríbhinn de chuid an Ath. Pádraig Ó Luain. Is féidir gurb ionann an scríobhaí agus an máistir scoile a bhí ag teagasc ag Dún Gall (*Roach, Roche*), Co. Lú, sna 1830í.<sup>532</sup> Is fiú cuimhneamh air go ndeirtear go bhfuair an tAth. Pádraig Ó Luain cuid dá scolaíocht ó dhuine darbh ainm O'Reilly i nDún Dealgan. Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn an ionann é agus Eoghan Ó Raghallaigh ó Dhún Dealgan, an té ar leis lámhscríbhinn a grafadh ag tús na 19ú hAoise.<sup>533</sup>

Thart faoin am a raibh Donnchadh Mag Oireachtaigh agus Éadbhard Ó hEachaidh ag cur shaothair Pheadair Uí Dhoirín le chéile, bhí roinnt scríobhaithe eile ag obair sa Sráidbhaile .i. Dún Dealgan féin. Sa bhliain 1780, bhí ——— Duffy ag grafadh lámhscríbhinne i nDún Dealgan ina raibh cóip de ‘Fearlaoi Pheadair Uí Dhoirín’,<sup>534</sup> agus bhí Aindrias Briosáin (*ob.*1797), arbh as Co. an Dúin dó ó dhúchas, lonnaithe i mBaile Mhic Scanláin thart faoin am seo. Tá giota lámhscríbhinne ina bhfuil seanmóir a thug sé i gcúpla áit ó Bhaile Átha Cliath go Dún Geanainn ar caomhnú i genuasach lámhscríbhinní a dhearthár, Somhairle Briosáin ó Bhéal Feirste. Ministéir Preispitéireach eile ó Cho. an Dúin a raibh anbhaint aige le cúrsaí Gaeilge, Uilliam Mac Néill (1774-1821), bhí sé lonnaithe i nDún Dealgan faoin am céanna, áit ar scríobh sé cóip ghiorraithe d’fhoclóir Uí Bheaglaoidh agus Mhic Cruitín sa bhliain 1798. Mar údar *An Introduction to the Irish Language* (1808) is mó atá clú air. Is dóigh go raibh cónaí ar **Shéamus Ó**

---

<sup>532</sup> Féach an cuntas air i gCaib. 2.155.

<sup>533</sup> ARE 23L10 (552), fordhuilleog thosaigh.

<sup>534</sup> Ní féidir teacht ar an lámhscríbhinn, ach tá tagairt di in Ó Muirgheasa (1916: 102). Féach an *Treoir.*, 72 §314(12).

**Bréaghdha** (*fl.*1791-1812), scríobhaí agus file, gar do Dhún Dealgan. Bhí ceann de na cóipeanna den athscríobh deiridh de ‘Táin Bó Cuailnge’ ina chnuasach aige.<sup>535</sup>

Ní hé go raibh gach bailitheoir lámhscríbhinní ina scríobhaí: níor fhág Brian Mac Fhearchair [?*fl.*1778],<sup>536</sup> ag a raibh ARÉ 24P21 (97) agus COBÁC M7 tráth,<sup>537</sup> ach nótaí sealbhóra i nGaeilge againn, agus más ea go raibh cnuasach lámhscríbhinní ag Patrick McGeough ón Lorgain Chaol, níl sé soiléir gur scríobh sé féin píosaí Gaeilge riamh.<sup>538</sup> Bailitheoir lámhscríbhinní amháin a d’fhág roinnt ábhar spéisiúil againn is ea **Matha Mhac Cinnéadaigh** (*fl.*1802-36) ó Bhaile Mhic Mhairtín. Chonaic Patrick O’Keeffe agus Thomas O’Conor a chnuasach nuair a bhí siad ag déanamh obair pháirce don tSuirbhéireacht Ordanáis sa bhliain 1836. Tá sampla amháin de lámhscríbhinn ó láimh Mhatha againn a grafadh idir na blianta 1817 agus 1819; chuir sé ábhar breise le MN B1, cóip de ‘Coimheasgar na gCuradh’ agus ‘Eachtra na gCuradh’ a bhí idir lámha aige idir na blianta 1802 agus 1836. Ba leis fosta an lámhscríbhinn sin LN G457 a ghráf Pádraig Ó Pronntaigh, agus shínigh daoine muinteartha leis í thall is abhus. Mar thiomsaitheoir an leabhair urnaithe sin, *The Spiritual Rose* (1800), a cuireadh faoi athchló faoi cheithre, go bhfios dúinn, is mó atá iomrá ar Mhatha. Bhain Peadar Ó Gealacáin ó Mhaigh nEalta, Co. na Mí, úsáid as MN B1 le lámhscríbhinn dá chuid féin a ghráfadh. Caithfidh sé gur fhill sé ar Mhatha í óir cheannaigh scológ eile ó thuaisceart Cho. Lú, **Brian Ó Searcaigh** (*fl.*1838-48) ó Ráth Bódaigh, í ar an 16 Bealtaine 1838, scríobhaí Gaeilge a raibh aithne aige ar Aodh Mhac Domhnaill [2] agus ar Roibeard Mac Ádhaimh.

---

<sup>535</sup> CM L3 (*b*).

<sup>536</sup> Féach nóta 2723 thíos.

<sup>537</sup> Féach Mac Labhraí (2005: 16-17; 2013: 255-6) i dtaobh COBÁC M15<sup>1</sup>, agus nóta 10 i dtaobh uimhir phreasa na lámhscríbhinne seo.

<sup>538</sup> Tá litir uaidh in LN G702(5). Cuireadh í i gcló in Ó Mórdha (1958c: 170), agus tá nóta air ag Ó Mórdha (1958c: 158). Féach nóta 1149.

Réitigh an Dr Séamus Mhac Giolla Choille (c.1758-c.1828), an té a cheap mairgne ar Art Mac Cumhaigh, leagan Béarla de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ do dhuine muinteartha le Somhairle Ó Coltran tuairim is an bhliain 1818 (Duffy 1987: 233). Ba i bparóiste an Chreagáin, Co. Ard Mhacha, a rugadh an Dr Mac Giolla Choille ach faoin am ar thosaigh sé ag glacadh páirt mhór i gcúrsaí Gaeilge, ba phoitigéir sa Sráidbhaile é, agus é ina bhall lárnach de ghrúpa scríobhaithe **Airt Mhóir Uí Mhurchadha** (ob.c.1843). Tá lámhscríbhinn iomlán amháin againn ón Dr Séamus Mhac Giolla Choille, a grafadh idir 1821 agus 1822, ach bhí sé ag cumadh filíochta i bhfad roimhe sin. Phriontáil Ó Duibhinn (1972: 69-71, 74-6) dhá dhán a chum an Dr Mac Giolla Choille ar bheirt scoláirí eile ón dúiche thart ar Dhún Dealgan: Mícheál Mac Cathmhaoil ó Ard Phádraig; agus Domhnall Mhac na Bhall (ob.1822). Is dóigh gur scríobhaithe nó mionfhillí Gaeilge iad lá den saol. Bhí **Art Mór Ó Murchadha** (fl.1816-34) ina scríobhaí cumasach fosta, agus ba ina scoil i mBaile Thomáis, Dún Dealgan, a fuair **Nioclás Ó Cearnaigh** (ob.c.1864) agus **Matha Mórdha Ó Graeme** (1805-1882) a gcéad bhlaiseadh ar litríocht na teanga. Baill eile den scoil ab ea iad **Pádraig Ó Gallóglaigh** (fl.1822-34), a d’fhág lámhscríbhinní againn, agus a dhéanadh an rúnaíocht don ghrúpa, is dóigh; agus filí eile, Joseph Coleman, Patt Dullaghan, agus eile. Chum Art Mór dán ar mháistir scoile eile ó Dhún Dealgan, **Éadbhard Ó Cearbhalláin** (fl.1807-24), a chaith tréimhse le Michael Carolan i gCo. na Mí. Ar lámhscríbhinn a ghráf Éadbhard Ó Cearbhalláin, tá cúpla giota a scríobh **James Kelly** (fl.c.1840) sa bhliain 1840(?).

Is beag atá againn don chuid uachtarach den chontae, áit a raibh an teanga ag imeacht i léig faoi lár na 19ú hAoise, agus is idir lár na 18ú hAoise agus lár na chéad aoise eile a scríobhadh an chuid is mó dá bhfuil ar fáil anois ón taobh sin de Cho. Lú. Rinne an tAth. **Séaghan Ó Donnghaile** (ob.c.1748), sagart Doiminiceach ó



Dhroichead Átha, cóip den leagan Laidine de ‘Foras Feasa air Éirinn’ i Lobháin sa bhliain 1712, mar aon le tráchtas beag gramadaí a chuir **Labhrás Ó Cathaláin** (*fl.*1710-18) chuige, cléireach eile ó Bhaile Mhic Eileoid i dtuaisceart an chontae a bhí ina mhac léinn i Lobháin an tráth sin. Ghráf Labhrás leathanach teidil agus dearbhú na cóipe de ‘Smaointe Beatha Chríost’ atá in COBÁC A18, ach tá an chuma air go raibh scríobhaí eile freagrach as an mórchuid di, Cormac Mac Cuan (*fl.*1720-39), b’fhéidir.<sup>539</sup> Ghráf scríobhaí anaithnid, sagart nó bráthair [Proinsiasach, is dóigh] ó Dheoise Ard Mhacha, bailiúchán de dhánta ar leagadh ceann acu ar Joannis Donnelly éigin, ach ní dóigh gurbh é an sagart ó Dhroichead Átha é, ar an bpeannaireacht agus eile;<sup>540</sup> bhí sé ag scríobh chomh mall leis an mbliain 1715. Sagart eile ó Dhroichead Átha ar shealbhóir lámhscríbhinní é ab ea John Vincent Berrill, O.P. (*fl.*1770-79),<sup>541</sup> an té ar leis na cóipeanna de ‘Críocha Déanacha an Duine’ agus de ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’ a ghráf Stephanus Hamnock éigin go luath san 18ú hAois.<sup>542</sup> Sampla eile de scoláire Gaeilge ó dheisceart an chontae is ea Denis Taaffe (*c.*1747-1813) ó Hacket’s Cross,<sup>543</sup> Tearmann Feichin, an ‘Father Taaffe’ a mhair san 18ú hAois, a d’iompaigh ina Phrotastúnach in 1788, agus a scríobh cuid mhaith leabhar ar stair na hÉireann agus ar na seantairngreachtaí i mBaile Átha Cliath. Tá cóip de ghraiméar Gaeilge a scríobh sé—ní féidir a bheith deimhnitheach nach autograf é—ar caomhnú i Leabharlann na Breataine.<sup>544</sup>

---

<sup>539</sup> Féach an plé a dhéantar ar an Ath. Cormac Mac Cuan, sagart ó Chill Shléibhe, Co. Ard Mhacha, i gCaib. 2.60 thíos.

<sup>540</sup> In MN C92 (*f*); don dáta 1715, féach na giotáí atá i lámh an scríobhaí chéanna in LB Eg. 139. Tugtar eolas eile sa chuntas ar an Ath. Séaghan Ó Donnghaile i gCaib. 2.153.

<sup>541</sup> Tá tagairtí dó i dtaifid an Choláiste sa Róimh, áit a raibh sé i mbun staidéir idir 1770 agus 1779, an bhliain ar fhill sé ar Éirinn. Féach Fenning (1971: 28), agus Fenning (1997: 18).

<sup>542</sup> COFLA MF2. Níl dáta leis an leabhar, agus ní fios dom cár bh as don scríobhaí seo.

<sup>543</sup> Diomaite de gurbh fhéidir leagan ar nós \**Crois an Aicéadaigh* a cheapadh, tá sé chomh maith againn cloí leis an leagan Béarla.

<sup>544</sup> LB Eg. 116.

Chóipeáil **Criostóir Aindreamha** (1764(?)-1860), file Gaeilge a bhí ina dhíoltóir mionearraí i nDroichead Átha, lámhscríbhinn ina bhfuil laoihe fiannaíochta agus cóip de dhán de chuid Oiriaila, ‘Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill’ le Séamus Mac Cuarta,<sup>545</sup> sleachta as leabhair Vallancey, agus dhá pháosa, b’fhéidir, dá chumadh féin. Ba idir 1808 agus 1810 a scríobhadh an leabhar seo, agus scríobhaí ó Cho. an Longfoirt, Séamus Ó Fearghail [2], ag cuidiú leis. Ó tharla go ndearna **Séamus Ó Súilleabháin** (*fl.*1828) ábhar a chóipeáil as lámhscríbhinn Chríostóra sa bhliain 1828, agus go raibh lámhscríbhinn Chríostóra fós sa bhaile sa bhliain 1840 i gcnuasach **Bhriain Uí Thomaltaigh** (*c.*1799-1871), is féidir gur bhain Séamus Ó Súilleabháin le háit éigin sa chomharsanacht sin. Chaith Tomás Ó Doirnín thart ar thríocha bliain dá shaol i nDroichead Átha, agus ba sa bhaile sin a scríobhadh na giotaí deiridh atá againn uaidh i mí na Feabhra 1802; bhí sé i mBaile Chearráin, i gCo. na Mí, cúpla míle taobh ó dheas den bhaile nuair a scríobh sé blogh lámhscríbhinne idir mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 1765. Is féidir gur Mhíoch é ar an ábhar sin.

Scríobhaithe eile ón gcuid uachtarach de Cho. Lú is ea iad **Mícheál Ó Murchadha** (*fl.*1821-31) ó Shr. Eoin, Baile Átha Fhirdhia, a mhair idir 1821 agus 1831; **Pádraig Ó Cearbhaill** (*fl.*1845) ó Dhroim Ing, gar do Dhún Léire, a rinne cóip de, agus b’fhéidir a scríobh, aitheasc ar son úsáid na Gaeilge sa bhliain 1845; agus **Séamus Ó Dobhailin** (*c.*1800-1868), scológ ó Bhaile Gall, Mainistir Bhuíthe, a bhfuil againn óna láimh achainí nó litir mhagúil iarratais faoi choinne bosca snaoisín a sheol sé chuig—glacaim leis—Henry Hamilton ó Shr. na gCapall, Droichead Átha, sa bhliain

---

<sup>545</sup> Saothar fada a thagann aníos níos mó ná 40 uair i lámhscríbhinní Oiriaila; féach an liosta cóipeanna in Ó Gallchóir (1971: 90).

1865; tá, nó bhíodh, blúirí eile óna láimh ar fáil i bpáipéir an teaghlaigh.<sup>546</sup>

Scríobhadh ceann de na bloghanna seo do scoláire éigin ó Dhroichead Átha darbh ainm Seaghan Ó Néill; níl trácht ar an duine seo áit ar bith eile. Is leis an nglúin deiridh scríobhaithe a bhain an chuid is mó de na fir seo, agus ní féidir a bheith suite de go ndearna siad mórán obair chóipeála riamh. Níor cheart neamart a dhéanamh de sheanmóirí an Ath. John Heely (1758-1831), S.P. Dhún Léire, a rugadh i dTulaigh Álainn, gar do Dhroichead Átha, agus a d'fhág againn ina lámhscríbhinn cuntas luachmhar ar chanúint uachtar Cho. Lú. Agus ní bheifí in ann dul thar Bhrian Ó Tomaltaigh gan a ainm a lua, duine de na gníomhaithe teanga a bhí páirteach sa Drogheda Celtic Society, nó Drogheda Bardic Society,<sup>547</sup> sna 1840í, agus a bhailigh giotaí amhrán agus dánta ón mbéaloideas i nDroichead Átha.<sup>548</sup>

#### **1.4.1.2. An Mhí**

Tá an-chuid oibre déanta ag Ní Mhungaile (2011; 2014; 2015; 2016) agus ag Ó Mórdha (2004) ar scríobhaithe na Mí. Ó thaobh na litríochta de, cuireadh dhá chnuasach ar leith d'fhillíocht na Mí i gcló, Laoide (1914) agus Ó Muirgheasa (1933), agus athchló air in Ó Muirgheasa (2015). Is ar lámhscríbhinní an chontae is mó a dhíreofar thíos.

Bhí traidisiún den léann gaelach ag dul siar i bhfad i gCo. na Mí, agus tá cúpla lámhscríbhinn mheamraim a scríobhadh sa chontae ar marthain go fóill. Ba i

---

<sup>546</sup> Tá na píosaí seo i gcló in Ó Muireadhaigh (1968; 1970), agus bhí cóip de 'Foras Feasa air Éirinn' ina sheilbh aige nach fios dom cé a scríobh. MN LM1 atá mar uimhir phreasa ar an lámhscríbhinn anois, ach ní fios dom cá bhfuil na blúirí féin; is dóigh gur fágadh i measc pháipéir a mhuintire iad, mar a bhfuarthas iad.

<sup>547</sup> Is beag atá ar eolas faoin gcumann seo dáiríre, ach tá plé maith air in Ó Mórdha (1958c).

<sup>548</sup> Féach Ní Uallacháin (2014), mar a bhfuil sleachta as an liosta d'amhráin Ghaeilge agus Bhéarla a chuir an t-ealaíontóir spéisiúil seo le chéile (300 ceann acu); tá cuid de na hamhráin ar pháir aige in ARÉ 3C4i (b) (1018). Is dóigh nach bhfuil againn ach beagán dár bhailigh sé, óir bhí beartaithe aige leabhar clóite a fhoilsiú. Féach Ó Mórdha (1958c), agus an cuntas air i gCaib. 2.222 thíos.

‘Slemuin mor Midhe’<sup>549</sup> a scríobhadh cúpla duilleog de ARÉ 23O4 (471) am éigin sa 15ú hAois nó sa 16ú hAois. Déanann Ó Baoill (2007: 84) tagairt do lámhscríbhinn amháin a grafadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche ag a bhfuil ceangal iontach láidir le Co. na Mí, LBO Rawl. B512 (38), leabhar comhshuite ina bhfuil cúig phríomhchuid a grafadh idir an 15ú agus an 16ú hAois. Ó tharla go bhfuil cuntas iontach mion i gcatalóg Uí Chuív (2001: 223-54) ar an lámhscríbhinn, ní bhacaim le mórán sonraí a thabhairt, ach an méid atá bainteach le saothrú na Gaeilge i gCo. na Mí. In ainneoin gur grafadh formhór mór na gcodanna atá sa lámhscríbhinn do Shean-Ghail na Mí, nó go raibh siad ina leabharlanna, is ábhar spéise gur féidir scríobhaithe dar sloinne Ó Maoil Chonaire a cheangal le cuid mhaith den obair. Ní gá plé a dhéanamh ach chomh beag ar na himpleachtaí a eascraíonn as an socrú seo .i. pátrúin de chuid Cho. na Mí a bheith ag díol le scríobhaithe ag a bhfuil sloinne a shamhlófaí, abramis, le seanteaghlach léannta a shaothraigh an léann go príomha i dtuaisceart Chonnacht, Ó Maoil Chonaire, agus ba dhuine de mhuintir Dhuibhgeannáin duine eile de na scríobhaithe atá luaite sa lámhscríbhinn. De na cúig chuid atá inti, is follas gur ghráf scríobhaithe dar shloinne Ó Maoil Chonaire an chuid is mó de chodanna 2 agus 4, agus tá tuairim ag scoláirí eile, mar a deirtear i gcuntas Uí Chuív (2001), gur ghráf scríobhaithe eile dar shloinne sin codanna 3 agus 5 fosta. Fágтар cuid 5 as an áireamh sa phlé seo, ós doiligh a léiriú go raibh sí riamh i gCo. na Mí.

Grafadh cuid 2 den lámhscríbhinn ní do theaghlach Normannach, ach do Chonchubhar Ruadh Mhac Maoil Tuile<sup>550</sup> éigin, sloinne a thagann aníos cúpla uair i gcomhthéacs léann na Gaeilge sa Mhí (sa chiall is leithne) thart faoin 16ú hAois.

---

<sup>549</sup> ARÉ 23O4 (471), f. 19. Is le cóip de ‘Beatha Eustasius’ atá an nóta ina luaitear ‘Slemuin mor Midhe’, áit a gceanglaítear le Baile Shláine san *R.I.A. Cat.*, 1231.

<sup>550</sup> Féach LBO Rawl. B512(2) (38), f. 64rb.

Deir an príomhscríobhaí, Conchubhar Ó Maoil Chonaire, go ndearna sé a chuid féin den obair i mBaile Átha Buí i gCo. na Mí; tá a ainm againn mar gheall ar nóta a scríobh an té a bhí ag cuidiú leis, Dubhthach Ó Duibhgeannáin, sa chuid sin den lámhscríbhinn. D’fhág Conchubhar Ó Maoil Chonaire ainm an phátrúin againn, is dóigh, i gcolafon amháin, ach scriosadh an t-ainm sin agus scríobhadh ‘Geroid ā Fáy’ ina áit, sampla den chineál dochair a rinneadh ar chuid mhaith lámhscríbhinní déanacha fosta. Ní bheadh ainm an phátrúin againn ach gur chuir Giolla Bríghde Mhac Maoil Tuile<sup>551</sup> éigin nóta i nGaeilge sa lámhscríbhinn chun na críche sin. Ní fios cé dó ar scríobhadh cuid 1, ach gur ‘slicht hsenlibuir Duib Da Leithi’ atá i gcuid di, agus gur grafadh ag ‘Baile na Cuilendtrach’ í, áit a cheanglaíonn Ó Cuív (2001: 231) le ceachtar den dá áit ‘Cullendragh’ nó ‘Cullentry’ atá i gCo. na Mí. Chuir duine anaithnid dán le Tadhg Ó Dálaigh ar bhás Sheoin Pluincéad éigin leis an gcuid seo, *Cach gan anacal eg Seon*, ‘possibly either the Seón Pluingett for whom [cuid 4] of this manuscript was written or the son of the Criosdóir Pluingcéad who is mentioned by another late scribe [i gcuid 1] which was written in 1572’, dar le Brian Ó Cuív (2001: 231). Ar an 5 Aibreán 1572 a scríobhadh an nóta deiridh seo i mBaile Locha Craoibhe.<sup>552</sup> Tá na duilleoga i gcodanna 1-3 measctha trína chéile beagán anois, agus mar gheall ar an mbreacadaíl a cuireadh orthu, is dóigh le Brian Ó Cuív (2001: 231) go bhfuil na codanna seo le chéile le tuairim is cúig chéad bliain,

It should be noted that the occurrence of the name Tomas Pluincead in a marginal note on f. 44 [= cuid 3] and of two further items relating to the Plunkett family in marginal notes on f. 71r [= cuid 2] suggests that the joining together of Parts I, II, and III [= codanna 1-3] ... may have taken place when all three were in Plunkett hands in the 16th century.

<sup>551</sup> Mar a thugtar orthu sa lámhscríbhinn, f. 64rb.

<sup>552</sup> Tá an colafon, f. 36, i gcló in Ó Cuív (2001: 237). Ghraf sé dán ar an duilleog chéanna.

Is éard atá sna nótaí imeallacha ar f. 71r, dhá dhán bheaga ar mhuintir Pluincéad, dán ceithre rann le Síodhraidh Ó Cuirnín ar mhac Criostóra éigin agus ar iníon an Phluincéadaigh, cibé ar domhan iad. Is rann fáin ar Oilibhéar Pluincéad an dara dán, agus ‘Brian Mac Dergan’ tugtha mar údar leis. Dhealródh sé gurb í cuid 4 an chuid is mó spéis ó thaobh lámhscríbhinní Cho. na Mí, áfach. Cnuasach de 22 dhuilleog atá inti a ghráf Seaán Ó Maoil Chonaire do Sheon Pluincéad (*ob.c.*1500), an 5ú Barún Dhún Saighne, agus dá bhean, Caitilín Hossae. B’fhéidir go dtuigfí as an gcolafon ina dtugann an scríobhaí le fios gurbh iad a thiarna agus a bhantighearna iad Seon agus Caitilín go raibh sé socraithe sa dúiche sin le fada an lá; ghráf sé cuid den lámhscríbhinn i dteach Aonghusa Uí Dhálaigh agus iníon Philip Uí Ghibne. Is dóigh leis an bhfear catalóige gur mar gheall ar phósadh a ceiliúradh idir an 6ú Barún Dhún Saighne, Christopher Plunkett, le hiníon le Christopher Barnewall ó Chirciostún,<sup>553</sup> Co. na Mí, a bhí an lámhscríbhinn sin i gCirciostún sa bhliain 1560.<sup>554</sup> Tchífidh muid ar ball go raibh ceangal ag muintir Barnbhall le lámhscríbhinní Gaeilge sa dara leath den 17ú hAois.

Níl ach saothar amháin ón dara leath den 17ú hAois ar féidir a dhearbhu gur scríobhadh é i gCo. na Mí, LEM Z4.2.5, ach féach nach mór an saothar é—mórfhoclóir **Risteaird Pluincéad [1]** (*fl.*1662), bráthair bocht d’Ord San Proinsias a bhí lonnaithe i mBaile Átha Troim nuair a chuir sé réamhrá leis sa bhliain 1662. Foclóir measartha nua-aimseartha a bhí ann, agus tá cúpla leid ann faoi chanúint an té a chuir le chéile é (de Bhaldrathe 1987: 22 col. c – 23 col. a), cé gur beag eile atá ar eolas againn faoi. Ní fios cá fhad a mhair sé, ach mhair **Pat Darditz** (*fl.*1685-90) é, an té a bhí ina shagart paróiste i mBaile Átha Buí tuairim is an bhliain 1682, agus tá

---

<sup>553</sup> An paróiste (dlí) ina bhfuil Currach Átha suite.

<sup>554</sup> Shínigh ‘Robertus Barnewall’ f. 9 [= cuid 1] den lámhscríbhinn.

mairgne scríofa aige air ar dhuilleog ar fágadh a bun bán sa lámhscríbhinn. Cléireach eile a bhí ina fhile ab ea an tEaspag Tomás Déis (c.1568-1652).

Tá áit ar leith tuillte anseo ag trí ghrúpa scríobhaithe a bhí ag saothrú in oirthear Chona Mí san 18ú hAois: ceann acu a bhí gníomhach sa chéad cheathrú den aois; chuir an dara grúpa cúpla leabhar i gcrích idir 1753 agus 1776 sa dúiche thart ar Ráth Tó agus Scrín Cholaim Chille, leabhair as ar baineadh cuid mhaith den ábhar a bhí á chóipeáil sa dúiche chéanna san 19ú hAois. Is é an tríú grúpa an drong a bhí ag aistriú agus ag cóipeáil i bhfíordheireadh na haoise thart faoi Bhaile na hEorna, más fíor, agus níor mhiste a mbaill a lua duine ar dhuine anseo.

Beidh an léitheoir eolach cheana féin ar an mball ba thábhachtaí a bhí sa chéad ghrúpa acu seo, **Seon Mhac Solaidh** (*fl.*1711-24), duine de na scríobhaithe ba mhó cáil san 18ú hAois. D'fhág sé 31 lámhscríbhinn—giotaí atá i gcuid acu—againn a cuireadh le chéile, an méid acu a bhfuil dátaí leo, idir c.1711 agus 1724 i mBaile Hardaman, gar do Stigh Colláin, Co. na Mí, ar an móróir. Áirítear Seon i measc na scoláirí a bhí gníomhach i mBaile Átha Cliath sa tréimhse sin, agus thiocthadh dó gur scríobh sé cuid dá lámhscríbhinní ann, ach meabhraíonn taighde úrnua a rinne Ní Mhunghaile (2016: 78-9)<sup>555</sup> le déanaí go raibh grúpa beag scríobhaithe ag cóipeáil thart faoin dúiche chéanna a raibh cónaí air ann: **Pádraig Ó Doibhlin** (*fl.*1726-7) a bhí lonnaithe i nDún Seachlainn, dar léi (Ní Mhunghaile 2011: 136; 2014: 113; 2016: 78); **Éamonn Ó Raghallaigh** (*fl.*1729-35) a ghráf lámhscríbhinn amháin ar a laghad i Stigh Colláin; cara nó duine muinteartha leis, **Pádraig Ó Raghallaigh [1]** (*fl.*1722-35), a bhí gníomhach ann idir 1722 agus 1735: bhí sé i Stigh Colláin ar an mbliain deiridh sin. Is ar éigean a d'fhéadfaí dealú idir a lámh siúd agus peannaireacht

---

<sup>555</sup> Agus cuid den réamhobair taighde a rinneadh i gcomhair an ailt sin in Ní Mhunghaile (2011; 2014; 2015).

Sheoin, ach is cosúla arís le peannaireacht Sheoin lámh stuama **Mhíchíl Uí Airt** (*fl.*1718-19) a ghraf cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ i mBaile an Táith, Domhnach Phádraig, Co. na Mí.

Is amhlaidh, beagnach, do pheannaireacht **Henrí Mhic Mhuircheartaigh** (*fl.*1723-5) ó Chillín i mbarúntacht na Scríne. Tharlódh sé go raibh aithne aige ar **Shéamus Biatach** (*fl.*1705) ós rud é go bhfuil conradh ina luaitear Henrí ar cheann de na leathanaigh san aon lámhscríbhinn amháin atá againn ó láimh Shéamuis, LB Eg. 170; agus b’fhéidir nach aon chomhtharlú é gur chuir Risteard Tuibear (*fl.*1705-47)—an comhghleacaí ba mhó ag bhí ag Seon Mhac Solaidh i mBaile Átha Cliath—críoch leis an lámhscríbhinn sin ag deireadh na bliana 1724. Saintréith de chuid lámhscríbhinní Sheoin is ea go n-úsáideadh sé marcanna clódóra ar na cruinnithe duilleog, agus b’amhlaidh do Phádraig Ó Doibhlin agus do Phádraig Ó Raghallaigh [1]. An lámhscríbhinn a bhronn an tAth. John Purfield (*c.*1695-1797), S.P. Dhamh Liag, ar Christopher Tieling, Baile an Bheileoglaigh, ba é **Mícheál Ó Collaidh** (*fl.*1733) a scríobh í sa bhliain 1733. Cóip den ‘Scáthán Spioradálta’ atá inti, leabhar cráifeach a chóipeáil cuid de scríobhaithe Cho. na Mí. Ghraf **Tomás Ó Doirín** (*fl.*1765-1802) lámhscríbhinn nach bhfuil ach cúpla duilleog againn aisti i mBaile Chearráin, atá suite taobh amuigh de Dhamh Liag; bhog sé go Droichead Átha am éigin roimh an mbliain 1769. Níos faide ó dheas, bhí lámhscríbhinn a ghraf Cormac Mac Parthaláin (*fl.*1696-8), sloinne a shamhlófaí le Co. an Chabháin (Ó Buachalla 1975: 23), i seilbh **Uaithne Barnhall** (Barnewall) i mBaile Mhic Líon, gar do Ráth Tó, agus bhí an lámhscríbhinn chéanna, CT H.5.3 (1375), i seilbh Andrew Andrews—sloinne atá le fáil go príomha faoi láthair in oirthear Cho. na Mí agus sa dúiche fá gcuaird—idir na blianta 1729 agus 1730.



Is féidir gurbh ionann an tArtúr Cliarcán ó Chill Bhearraigh, Co. na Mí, a luaitear sa dán *A phlanda chnú na nGael fial* a cheap Séamus Mac Cuarta (*ob.*1733), agus príomhscríobhaí ARÉ 23A25 (628), **Artúr Ó Cléirceáin**; dheisigh **Séamus Mhac Thighearnáin** (*fl.*1770-80) an lámhscríbhinn sin sa bhliain 1770, agus tharla sí i gcnuasach **Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh** (*fl.*1806-44) sa 19ú hAois. Cléireach eile a bhain leis an dúiche chéanna ab ea an tAth. Uilliam Ó Cléirigh (*c.*1691-1758), a scríobh ceann de na dánta ar cuireadh codanna díobh i gcló i gCaib. 1.1.1, dán a ceapadh ar leabharlann Risteaird Táth (*ob.*1736) ó Ráth Naoite, Co. Lú.

Bhí roinnt de lámhscríbhinní Sheoin Mhic Sholaidh (*fl.*1711-24) á scaipeadh timpeall oirthear Cho. na Mí go fóill nuair a thosaigh dream beag scríobhaithe ar ábhar a chóipeáil ó 1753 ar aghaidh. Is é an chéad duine acu a thagann chun solais **Séamus Mac an Ultaigh** (*fl.*1753-82), agus tharlódh sé go raibh cónaí air gar do Bhaile an Phrútaigh lá dá shaol. Tagann ar an bhfód go gairid ina dhiaidh **Bháitear Ó hEisleanáin** (*fl.*1758-60) ó Churrach Átha, Círciostún, Co. na Mí, a scríobh dhá lámhscríbhinn, agus gíotaí i lámhscríbhinn eile, CPD 2, idir na blianta 1758 agus 1760. Sealbhóir lámhscríbhinní ab ea é a sheanathair, Donnchadh Ó hEisleanáin, a d'fhág an lámhscríbhinn théagartha sin le Seon Mhac Solaidh, CPD 2, ag Bháitear. Tharla an lámhscríbhinn chéanna i seilbh Shéamuis Uí Leanacháin (*fl.*1812-41) idir na blianta 1812 agus 1820, ach ní fios arbh as Co. na Mí dó. Scríobh **Proinsias Mhac an Ultaigh** (*fl.*1759-74) dhá pháosa isteach i lámhscríbhinn de chuid Bháiteir sa bhliain 1759, agus bhain Séamus Mac an Ultaigh ábhar as an dara lámhscríbhinn sin de chuid Bháiteir, LPH 12065M(2)—mar a thug Ó Gallchóir (1971: 86) le fios—le ARÉ 12E25 (908) a ghrafadh sa bhliain 1772. B'fhéidir nach aon iontas é go bhfaigheann muid Proinsias ag cuidiú leis, agus bhí lámhscríbhinn Henrí Mhic Mhuircheartaigh, LN G411, acu fosta. Tá cúig lámhscríbhinn ó láimh **Labhráis**

**Mhic Con Allaidh** (*fl.*1762-7) againn, go bhfios dom, a cóipeáladh idir na blianta 1762 agus 1767. I bparóiste Ráth Tó, i mBaile Géar, baile fearainn a bhfuil ‘Elgarstown’ air sa Bhéarla, a bhí sé ag scríobh idir 1765 agus 1767, ach dealraíonn sé go raibh sé sa dúiche sin chomh luath le 1762, nuair a thug sé faoi LPH 12065M(2)—an giota lámhscríbhinne le Bháitear Ó hEisleanáin a bhí idir lámha ag Séamus Mac an Ultaigh deich mbliana ina dhiaidh sin—a chóipeáil, agus chuir sé cúpla dán breise leis an gcóip dhea-scríofa a rinne sé aisti, OÉG H23, dhá bhliain ina dhiaidh sin. I lámhscríbhinn a bhí á scríobh ag Labhrás sa bhliain 1765, líon Bháitear isteach líne amháin den dán, *A mhacaoimh a théid a lasadh do léighinn*, dó. Ní fios goidé a bhain do Labhrás Mhac Con Allaidh i ndiaidh na bliana 1767, ach dealraíonn sé go raibh ceann dá lámhscríbhinní, ARÉ 23K24 (59), idir lámha ag **Eoin Ó Fionnagáin** (*fl.*1810-34) nuair a bhí ARÉ 23O79 (1388) á cóipeáil aige idir na blianta 1821 agus 1824, *R.I.A. Cat.*, 3582. Fuair Eoin an t-aistriúchán le Risteard Pluincéad, ar a ndéanfar plé amach anseo, sa lámhscríbhinn ARÉ 23C28 (393), a ghráf **Séamus Niocláis** (*fl.*1807-20) agus **John Leo Nicolas** (*fl.*1818) ó na Croseochracha, Baile an Bharúin, Co. na Mí<sup>556</sup> sa bhliain 1818. Nuair a thosaigh Séamus Niocláis, agus duine muinteartha leis, **Séamus Seán Niocláis** (*fl.*1820), ar lámhscríbhinn eile a ghráfadh sa bhliain 1820, is éard a bhí rompu, an chóip de lámhscríbhinn Bháiteir Uí Eisleanáin, OÉG H23, a rinne Labhrás Mhac Con Allaidh idir na blianta 1762 agus 1764.

Bhí an tríú grúpa, a raibh baint éigin acu le Baile na hEorna in oirthear Cho. na Mí, gníomhach ag deireadh na 18ú hAoise, agus i bhfíorthús na chéad aoise eile. Cé go bhfuil na lámhscríbhinní atá againn ón dúiche sin scaipthe go maith, is féidir tuiscint mhaith a fháil ó OÉG H9 ar a dhlúithe a bhí baill an ghrúpa seo ag obair lena chéile.

---

<sup>556</sup> Féach na tagairtí sa chuntas ar Shéamus Niocláis i gCaib. 2.111 thíos.

Lámhscríbhinn dhreoirte páipéir ar grafadh a formhór idir 1792 agus 1793 is ea í OÉG H9, agus bhí lámha ag **Peadar Ó Maoil Chéile** (*fl.*1793), **Risteard Pluincéad [2]** (*fl.*1793-1808), Peadar Dubh Ó Dálaigh (*fl.*1806-44) agus **Michael Carolan** (*fl.*1807-34) inti. Tharlódh baint éigin a bheith ag an triúr deiridh acu le cumadh filíochta. Níl sé soiléir gurb é an Risteard seo an té a d'aistrigh téacsanna cráifeacha agus clasaiceacha go Gaeilge don chló thart faoin am sin, ach murab ionann, caithfidh sé go raibh baint éigin aige leis an ngrúpa seo fosta, tharla go mbíodh an cineál seo oibre ar siúl ag baill éagsúla de. Is spéisiúil an ní é gur thiontaigh Peadar Dubh féin cuid den *Iliad* go Gaeilge,<sup>557</sup> agus gur aistrigh Peadar Dubh Ó Dálaigh agus **Síomón Ó Macaoín** (*ob.*1836) ó Cheanannas go dtí an dúiche seo go luath ina saolta, mar ar ghraf siad na hiarrachtaí is luaithe atá againn uathu. Scríobhadh an lámhscríbhinn is luaithe atá againn ó Pheadar Dubh i mBaile na hEorna féin sa bhliain 1806, agus bhí Síomón Ó Macaoín i gcúpla áit sa chomharsanacht idir 1779 agus 1781: Cnoc an Rátha, \*Cill Fhoibhrigh [Killary], agus Droichead Átha féin. Ba le linn dó a bheith i gCnoc an Rátha a thiontaigh sé an chuid is mó de *Belfagor Arcidiavolo* Machiavelli go Gaeilge faoin teideal 'Banais Belphegor'. Chuaigh sé go Co. Fhear Manach le bheith ina mhúinteoir clasaiceach ina dhiaidh sin, agus bhí aithne ag Risteard Pluincéad ar **Phól Ó Briain** (*c.*1761-1820), duine eile a thiontaigh téacsanna clasaiceacha go Gaeilge, más fíor. Bhí aithne ag beirt bhall den ghrúpa, Risteard Pluincéad [2] agus Michael Carolan, b'fhéidir, ar Chríostóir Aindreamha (1764(?)-1860) ó Dhroichead Átha; agus bhí aistriúcháin Ghaeilge Risteard Pluincéad, más é Risteard Pluincéad [2] é,<sup>558</sup> ar fáil ar fud Cho. Lú agus Cho. na Mí. Thiocfadh do Risteard Pluincéad [2] aithne a bheith aige ar **Roibeard Mhag Uidhir** (*fl.*1766-99(?)), agus, dá bhrí sin, ar **Labhrás Mac Giolla Earna** (*fl.*1788-95).

<sup>557</sup> Tá an t-aistriúchán seo cailte, ach féach an cuntas ar Pheadar Dubh Ó Dálaigh i gCaib. 2.145.

<sup>558</sup> Féach an plé a rinneadh ar an gceist seo sa chuntas ar Risteard Pluincéad [2] i gCaib. 2.226 thíos.

Bhí roinnt scríobhaithe ag obair i dtuaisceart Cho. na Mí, gar do Cheanannas—**John McCormick** (*fl.*1787-1823) a raibh aithne aige ar **Shilbheastar Mhac Gibne** (*c.*1796-1868), mar is follas ó nóta a chuir sé isteach i lámhscríbhinn de chuid Shilbheastair, COBÁC A40. Máistir scoile ab ea é Silbheastar, a fuair bás i nDroim Bearach sa bhliain 1868. Bhí an lámhscríbhinn ag duine eile a d’fhág giotaí Gaeilge againn, **Tomás Stafford** (*fl.*1816), cé nach eol dúinn cá raibh cónaí air. Ba leis an dúiche sin fosta **Mícheál Mhac Domhnaill** (*fl.*1806-17) ó Cheanannas. Chaith an scríobhaí, **Séamus Ó Brinn** (*fl.*1810-45) ó Chill Bheag, Co. na Mí, cúpla bliain i Mala, Co. Chorcaí, ag teagasc ar son an *Irish Society* ann, agus thug sé lámhscríbhinn Mhuimhneach ar ais go Co. na Mí leis. Glactar leis go minic gur sa leath íochtarach de Cho. na Mí amháin a bhí traidisiún láidir lámhscríbhinní, mar gheall ar an obair chóipeála a rinne leithéidí **Pheadair Uí Ghealacáin** (*c.*1792-1860) ann, agus mar gheall ar an bhfilíocht a chum Uilliam Mac Giolla Chiaráin (*ob.*1766) i mBaile Orrthaidh, Pádraig Ó Briain (*fl.*1820-7) ó Ghráinseach na Gaoithe, agus eile. Níl i gceist ansin ach cuid den scéal: is ar éigean is féidir teacht ar lámhscríbhinn ar bith a scríobhadh sa taobh sin tíre roimh an dara leath den 18ú hAois. D’fhéadfadh sé gurbh í an lámhscríbhinn Nua-Ghaeilge is sine atá againn ón taobh sin tíre an chóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ a ghraf an Mícheál Ó hAirt úd a luadh cheana, agus an giota lámhscríbhinne atá againn ó **Phroinsias Mac Conaill** (*fl.*1722-4), ní a scríobhadh in Oirbhigh idir na blianta 1722 agus 1724. Scríobhaí eile a bhain leis an dúiche sin, is dóigh, ab ea seanathair Edward O’Reilly, Eoghan Ó Raghallaigh (*fl.*1739), a rinne cóip d’inscríbhinn ar sheanleac uaigne i Reilig Cheanannais. Ní raibh an leac iontach ársa, áfach, más aon treoir teanga na cóipe a d’fhág Edward

againn den inscríbhinn.<sup>559</sup> Ní fios go díreach gur scríobhaí é Eoghan, ach bhí oiliúint éigin ar an teanga faighte aige.

Dúradh cheana gurbh as an dúiche thart ar Cheanannas do Pheadar Dubh Ó Dálaigh agus do Shíomón Ó Macaoín. Déantar plé ar **Philip Ó Caiside** (c.1759–) agus ar a athair (?) **Proinsias Ó Caiside** (fl.c.1759-95) faoi Cho. an Chabháin. Scríobhaí eile de chuid Cho. na Mí ab ea é an tAth. **Eoin Ó Muirreadh** (c.1752-1809), a rugadh i Ráth Moliain agus a ceapadh ina shagart paróiste i gCill Fhallúin nuair a bhí sé thart faoi 32 bhliain d’aois. Bhí an t-aon lámhscríbhinn atá againn ón sagart, LN G228, ag Séamus Ó Floinn ó Chill Fhallúin, Co. na Mí, ina dhiaidh sin, agus dealraíonn sé go raibh cumas éigin aige sa teanga scríofa, óir chuir sé a ainm leis an lámhscríbhinn i nGaeilge. Chaith LN G228 tamall i gCo. na hIarmhí. Is beag atá againn ón taobh sin tíre, ach is spéisiúil i gcomhthéacs lámhscríbhinní na 18ú hAoise an giota seo as tiomna an Ath. Andrew Barnewall, a bhain leis an dúiche sin, ó tharla go dtugann sé leid faoina riachtanaí agus a bhí cumas sa Ghaeilge na laethanta sin don sagart a chaithfeadh seal sa dúiche sin. Agus é ag cur airgead ar leataobh ina thiomna, a scríobhadh sa bhliain 1753, le go mbeifí in ann mac léinn ó Cho. na Mí a chur chun na mórthíre le bheith ina shagart paróiste, chuir an tAth. Barnewall an riachtanas speisialta ina thiomna faoi cháilíochtaí an té a dtabharfaí an liúntas dó,

Whereas I, Andrew Barnewall, Rector of Killallon, and vicar of the other churches thereunto united, in the Diocese of Meath in Ireland, have entertained (from the time I conceived any hopes of compassing such an end) an earnest desire to establish in some Catholick University a perpetual fund or provision sufficient to enable (at least) one Irish missionary to prosecute, with facility and success, his studies ... I do by these presents bequeath the sum of four hundred pounds sterling, to be for ever sunk ... in the support and maintenance of one Secular priest ... in one of the Seminaries depending on St. Sulpice, in the city of Paris, and nowhere else. ... He shall be a native

---

<sup>559</sup> LB Eg. 146, f. 16; féach an *B.M. Cat.*, ii, 104. Is spéisiúil an lámhscríbhinn í.

of the diocese of Meath in Ireland, and therein Filiated; and if a relation of mine, preferred to all others, provided he be duly capable; but if no such relation claims the Burse, the next to him shall be a native of the parish of Kilalloon, Killua, or Cluorny in said Diocese ... The said priest must not, at the time of entering said fund, exceed the age of twenty-five years ... He is to read and write (if possible) tolerably the Irish language, and carry with him abroad some Irish Books or manuscripts to practice said Tongue. ...<sup>560</sup>

Thosaigh an traidisiún scríofa agus an teanga a chúlú i dtreo thuaisceart an chontae go luath sa 19ú hAois, agus ba ann a bhí **Pádraig Ó Raghallaigh [2]** (fl.1817-47) ag scríobh i mBaile Roibeaird chomh mall leis an mbliain 1847. Duine eile a bhí gníomhach thart faoin am sin ab ea **Seán Ó Duinn** (fl.1827-43), a chuir spéis san obair chaomhnaithe a bhí ar siúl ag an Drogheda Celtic Society, agus é ina sheanfhear is cónaí air i mBaile Nua na Manach, áit ar ghraf sé an t-aon lámhscríbhinn cheart atá againn uaidh ó am go chéile suas go dtí an bhliain 1843. Duine eile a bhí gníomhach faoin am sin ab ea **Mícheál Ó Cléirigh** (ob.1834) ón gCoill Bhán, an té a réitigh ‘Críocha Déanacha an Duine’ agus ‘Tuireamh na hÉireann’ don chló; scríobh sé cúpla amhrán do Edward O’Reilly sa bhliain 1827. I ndeisceart an chontae, bhí Peadar Dubh Ó Dálaigh ag cóipeáil lámhscríbhinní sa Bhóthar Mín sa chéad leath den 19ú hAois, agus thug sé an-chuidiú do Pheadar Ó Gealacháin, an scríobhaí ba thábhachtaí i gCo. na Mí lena linn, lena *Réimchnuasacht* a chur le chéile, lámhscríbhinn ina bhfuil glacán de dhánta an Oll. Pól Ó Briain, file agus Ollamh le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, a d’fhág cúpla giota óna láimh féin againn. Ba as Bréachmhaí dó. Lean Peadar Ó Gealacháin air go dtí an bhliain 1854 ar a luaithe, agus bhí fáil ag tús na haoise seo caite ar an lámhscríbhinn dhátheangach a bhí á cóipeáil aige nuair a fuair sé bás i mí na Feabhra 1860. Scríobh sé cuid mhaith ábhair do Roibeard Mac Ádhaimh, mar a rinne **Aodh Mhac**

---

<sup>560</sup> Cuireadh seo i gcló in Cogan (1867: 289-90). Dealraíonn sé ón leabhar céanna gur ceapadh é ina ‘reachtaire’ i gCill Fhallúin c.1729.

**Domhnaill [2]** (*ob.*1867), file agus scríobhaí Gaeilge a rugadh, meastar, gar do Dhroim Conrach i dtuaisceart Cho. na Mí. Bhí an bheirt acu mór lena chéile, dealraíonn sé, agus ghráf Peadar dhá chnuasach de dhánta Aodha ar a laghad.<sup>561</sup> Scríobh **Owen Smyth** (1842-1917) ó Cheanannas cúpla giota nuair a bhí sé i gCo. an Dúin sa bhliain 1868, agus d’fhill sé ar Cho. na Mí sna 1870í. Bhí lámhscríbhinn de chuid na 19ú hAoise a scríobh John Smith ó Cheanannas idir lámha ag Éamonn Ó Tuathail (1939a: 33-4, 39), a fuair í ‘in private hands’. Ní fios cá bhfuil sí.

#### **1.4.1.3. Muineachán**

Foilsíodh le déanaí cuntas ar lámhscríbhinní Cho. Mhuineacháin in Smith (2017), áit a bhfuil plé déanta aige ar chuid mhaith scríobhaithe agus lámhscríbhinní ó thréimhsí éagsúla a bhfuil baint acu leis an gcontae sin. Ba iad na cuntais ba líonmhaire go dtí sin a bhfuil in Ó Corragáin (1974) agus in Livingstone (1980: 358, 635-44). Tá plé déanta ag Smith (2017: 319-20) ar an lámhscríbhinn is mó clú a bhaineann le Co. Mhuineacháin, *Cín Dromma Snechta*. Deirtear gur grafadh an lámhscríbhinn chaillte seo san 8ú hAois nó sa 9ú hAois, ach ní gá dul isteach sa cheist go mion. Taobh amuigh den lámhscríbhinn seo, is doiligh leabhar ar bith a cheangal leis an gcontae roimh dheireadh na 17ú hAoise, ach tá roinnt filíochta againn a cumadh d’uaisle an chontae, muintir Mhathghamhna, idir an 13ú hAois agus tús ré na Nua-Ghaeilge. Cuireadh cuid den ábhar seo i gcló in Ó Tuathail (1941-2), Hughes (1987a; 1993), agus Mac Cathmhaoil (2016), ach is in Mac Cathmhaoil (2017) atá an plé is fearr ar na dánta seo, agus an teaghlach léannta lenar féidir cuid mhaith de na cinn a ceapadh sa 17ú hAois a cheangal, muintir Mhic an Bhaird. Bhí ceangal láidir acu leis an

---

<sup>561</sup> ARÉ 3B38 (251) agus OB 1/155.

taobh uachtar de Cho. Mhuineacháin, agus is féidir, ar an ábhar sin, cuntas gearr a thabhairt orthu.

Tá stair mhuintir Mhic an Bhaird in Oiriaila ríofa go maith ag Mac Cathmhaoil (2017: 195-6), ar ar bunaíodh an t-eolas bunús uilig a thugtar thíos. Is sa bhliain 1488 a fhaightear an chéad tagairt do chraobh de mhuintir Mhic an Bhaird a bheith bainteach le déanamh na filíochta in Oiriaila, an bhliain faoinar taifeadadh in *Annála Uladh* go bhfuair Nuadha Mac an Bhaird Oirghialla bás, teideal a léiríonn gurbh fhilí oidhreachtúla iad in Oiriaila ag deireadh na 15ú hAoise (Walsh 1947: 151-2; Mac Cathmhaoil 2017: 196). Tagraítear don teideal sin a bheith ag ball den chraobh sin don uair dheireanach sa bhliain 1507, nuair a fuair Giolla Pádraig mac Aodha Mhic an Bhaird bás, agus ceanglaíonn Mac Cathmhaoil (2017: 196) an easpa tagairtí atá sna hannála dóibh ina dhiaidh sin le teacht i gcumhacht don Lucht Tí, craobh eile de mhuintir Mhathghamhna, sa 16ú hAois. Chuaigh cúpla duine dar shloinne Mac an Bhaird isteach san eaglais san aois sin, agus bhí duine acu, Flamianus Mc Abaird, lonnaithe in Achadh na Muileann, gar do Loch nÉigis.<sup>562</sup> Is le muintir Fhearnmhaighe a bhaineann formhór na ndánta atá againn ar mhuintir Mhathghamhna, agus is ábhar spéise fosta go dtéann muintir Mhic an Bhaird Oiriaila ó thuairisc sna hannála thart faoin uair a tháinig an Lucht Tí i dteann a réime, ós rud é gur naimhde cruthaithe iad muintir Fhearnmhaighe agus an Lucht Tí. Fuair Mac Cathmhaoil (2017: 198) cóipeanna de thrí dhán déag ar mhuintir Mhathghamhna a cumadh idir c.1280 agus c.1687, agus an méid seo le rá aige faoi theirce na lámhscríbhinní ina bhfuil siad ar fáil,

There is no extant family poem book of the Mac Mahons, though it is not inconceivable that one may have existed and since vanished, given the wholesale loss and destruction that befell Irish manuscripts in the seventeenth

---

<sup>562</sup> Nóta ar an áit seo in Mac Cathmhaoil (2017: 196).



century. On this matter it may be noted that not all family duanaireadha known to have existed have remained through to the modern era, a case in point here being the lost duanaire of Feidhlim mac Eoghain mhic Néill Óig Uí Néill (d.1461), which was held to be the most extensive in Ireland in his time. Even taking the possible destruction / loss of manuscripts and the fact that the lordship of Oirghialla was small, thirteen bardic poems over approximately five hundred years is a relatively meagre haul.

Is féidir tábla a chuir Mac Cathmhaoil (2017: 202) le chéile a phriontáil thíos, agus é arna bhunú ar chnuasach Simms d'fhillíocht na mbard; méid na ndánta atá againn do gach teaghlach Ultach faoi seach atá sna huimhreacha thíos,

(a)	Ó Domhnaill	127
	Ó Néill	103
	Mag Uidhir	78
(b)	Ó Raghallaigh	34
	Mac Suibhne	32
	Mac Gabhráin	32
(c)	Mac Domhnaill	17
	Mag Aonghusa	16
	Mag Mathghamhna	13
(d)	Ó Cuileanáin	7
	Ó Catháin	2
	Ó hAnnlúain	1
	Ó Gormfhlaith	1
	Mac Criostail	1

Tabharfaidh an léitheoir faoi deara go bhfuil duanairí do chraobhacha de gach teaghlach i ngrúpaí (a) agus (b) thuas, murab ionann agus na teaghlaigh eile. I gcás na dteaghlach atá in (c), tá sleachta as duanairí nó cnuasaigh bheaga

neamhfhoirmeálta againn, ar nós ARÉ 24P4 (92), áit a bhfuil fáil ar ocht gcinn de na trí dhán déag atá againn do mhuintir Mhathghamhna, agus gan an dara cóip den chuid is mó acu a bheith againn. Is dóigh le Mac Cathmhaoil (2017: 199), agus tá údar maith aige lena rá, go réitíonn sé seo le pátrún atá le sonrú i gcás cuid mhaith de na teaghlaigh ón taobh seo tíre, agus gurb é an fáth nach bhfuil mórán filíochta againn ar mhuintir Mhathghamhna nár cumadh ach beagán di sa chéad áit. Ag tarraingt ar thaighde Mhic Cana (1974) agus Simms (1977), deir sé an méid seo faoi shaothrú na litríochta in Oiriaila i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche,

The implication here is that learned activity in the ‘Classical era’ (c.1200–c.1650) depended at least partly on the presence of an earlier monastic infrastructure. Oirghialla was relatively lacking in such an infrastructure, having only a few notable monasteries at Clones, Inniskeen, Drumsnat and Muckno. Three of these monasteries were on the very edge of the Oirghialla area of influence, and Drumsnat, an important centre for secular learning in the early monastic period, had lost its hereditary custodians by the beginning of the seventeenth century when it was satirised by Aonghus na nAor Ó Dálaigh (d. 1617)... None of the erenaghs / vicars of any of the monasteries or churches in Oiriaila during this period, with the exception of the Mac an Bhairds, could be regarded as productive secular learned families.<sup>563</sup>

Is féidir go bhfuil míniú nádúrtha air sin a bhaineann go díreach le cúrsaí polaitiúla i gCo. Mhuineacháin, mar a deir Mac Cathmhaoil (2017: 207) áit eile,

After the death of Aodh Rua [sa bhliain 1493], the Mag Mathghamhna lordship gradually became more fragmented, and grew into the three largely autonomous sub-kingdoms of Farney, Dartrey and Lucht Tí, with the McKennas as semi-independent vassals in what is now the barony of Trough. It is quite feasible that this erosion of centralised power in Monaghan had an impact on the Mag Mathghamhna patronage of poetry. On one hand, the weakened Mag Mathghamhna, or King of Oriel, did not have as much disposable income with which to attract poets, and was *de facto* a more minor and less prestigious patron. In addition to this, the lack of a strong leader and

---

<sup>563</sup> Mac Cathmhaoil (2017: 199).

the political uncertainty in the area cannot have been an attractive prospect to poets.

Scríobhadh, de réir dhátaí Mhic Cathmhaoil (2017: 201), seacht gcinn de na trí dhán déag atá luaite aige sa tréimhse idir c.1650 agus c.1687, agus tá, ar an ábhar sin, ceangal spéisiúil acu le cultúr na lámhscríbhinní in Oiriaila i dtréimhse na Nua-Ghaeilge. Chum file darbh ainm ——— Mac Con Midhe ceann amháin acu, agus ba é Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird (*fl.*1647-89)<sup>564</sup> a chum na sé cinn eile ar Bhrian

---

<sup>564</sup> Is doiligh mórán a rá i dtaobh Dhiarmada Ruaidh mhic Laoisigh Mhic an Bhaird. Tugadh roinnt nótaí air in O'Reilly (1820: cci), Walsh (1947: 152-3), Ó Tuathail (1954: 9; 1956: 111), Duffy (1965: 312-3, 315), Hughes (1987a: 66-7; 1988), agus Mac Cathmhaoil (2017); agus tá dánta leis i gcló in Hughes (1987a), Hughes (1993), agus Mac Cathmhaoil (2016).

Más le hIarthar Uladh a shamhlaítear formhór na bhfilí dar shloinne sin a chuaigh roimhe, is dóigh go bhfuil páirt éigin ag Diarmaid Ruadh leis an bhfile Laoiseach Mac an Bhaird arb ionann é, is dóigh, agus Lissagh McAward ó Fhearnmhaigh dár tugadh pardún sa bhliain 1601 (tagairt don phardún in O'Rahilly (1921-4); féach fosta Walsh (1947: 152-3), Ó Tuathail (1954: 9; 1956: 109) nó na tagairtí do na hailt seo in Hughes (1987a: 66 n.23)). Thuairimigh O'Reilly (1820: cci) gurbh as Co. an Dúin é, agus cé go bhfuil tagairt in CT H.6.15 (1419) a thacaíonn leis seo, is dóigh gur chaith Diarmaid Ruadh cuid mhaith dá shaol i gCo. Mhuineacháin agus sna contaetha fá gcuaird, murarbh ann a rugadh é, tharla gur léirigh Ó Tuathail (1956: 111) agus Mac Cathmhaoil (2017: 196) go raibh craobh de mhuintir Mhic an Bhaird (ar de mhuintir Mhic an Bhaird Mhuine an Chasáin iad ó cheart, b'fhéidir) in Oiriaila chomh fada siar le deireadh na 15ú hAoise.

Meastar go bhfuil naoi ndán dá chuid sna lámhscríbhinní: (1) – (6), na sé dhán a cheap sé ar mhuintir Mhathghamhna Fhearnmhaighe idir c.1650 agus c.1687—tá tábla díobh in Mac Cathmhaoil (2017: 201), agus is in ARÉ 24P4 (92), a grafadh sa bhliain 1687, a fuair sé iad; (7) *Imir do chluiche, a Chormaic*, dán ar Chormac Ó Néill (Clann Aodha Buidhe), ar coimeád in ARÉ 24P33 (1076) ar grafadh an chuid di ina bhfuil dán Dhiarmada Ruaidh sa bhliain 1680; (8) *Docair cur le déanamh na daondachta*, a bhfuil cóip de in LN G1304 a grafadh sa bhliain 1681[1/2 ?]; (9) *Feasta is caointe clann Domhnaill*, in ARÉ 23D3 (502) a grafadh sa bhliain 1681; (10) *Fiorchrádh d'Éirinn turas Taidhg*, a cumadh ar Thadhg Ó Rodaighe sa bhliain 1689 [1694 ag scríbhneoirí áirithe], cóip in CT H.6.15 (1419); (11) an dán *A Chormaic, cuimhnigh an chóir*, a chuir tús le h*Iomarbhá na Láimhe Deirge* [? c.1691] atá i gcuid mhaith lámhscríbhinní; (12) rann fáin a ceapadh mar chuid den *Iomarbhá* chéanna, *Níor dhulta duit go doimhin* [? c.1691], a bhfuil cóip de agus eolas eile in Ó Riain (2011). Scríobh mac le Diarmaid Ruadh, Eoghan Mac an Bhaird, dán mar chuid den *Iomarbhá* sin, rann atá i gcló in Ó Riain (2011: 175). Is lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt iad ARÉ 24P33 (1076), ARÉ 23D3 (502), agus LN G1304, a scríobhadh idir 1680 agus 1681[1/2 ?]; is é an t-aon chnuasach substaintiúil dánta atá againn uaidh, áfach, na cinn a scríobh sé do Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna agus do Bhrian mac Bhriain Mhig Mhathghamhna a chuir Pádraig Mac Oghannáin ar pháipéar sa bhliain 1687, agus dhealródh sé nár cumadh cuid acu i bhfad roimhe sin. Ó thaobh a chumais, féach an nóta seo ó Hughes (1987a: 67), '... among his own generation he must surely have been an exception as one of the last fully-trained classical poets ... Diarmuid Mac an Bhaird will deserve very special mention when the full history of the bardic schools comes to be written'. Thuairimigh Hughes (1993: 69) gur cumadh an dán *Truagh an corsa ar Ráith na Ríogh* chomh fada siar leis an mbliain 1647, nuair a scríosadh an dún a bhí ag muintir Fhearnmhaighe i Lios an Uisce. Is ar an ábhar sin a thuairimíonn Hughes gur *mhac* é Diarmaid Ruadh leis an bhfile Laoiseach Mac an Bhaird, ach is doiligh sin a chinntiú. Is fearr le Mac Cathmhaoil (2017: 201) an dáta c.1660 a chur ar an dán. Tugann Mac Cathmhaoil (2017: 213) cuntas gearr ar a chuid dánta agus ar a bheatha, agus is fiú é a thabhairt arís,

mac Colla Mhig Mhathghamhna (*ob.*1689), agus ar a mhac, Brian mac Bhriain. Is in ARÉ 24P4 (92) amháin atá na seacht ndán ar coimeád, lámhscríbhinn a ghraf Pádraig Mac Oghannáin sa bhliain 1687. Tuairimíonn Mac Cathmhaoil (2017: 212) gurb ionann an ——— Mac Con Midhe seo agus Cormac Mac Con Midhe (mac Bhriain) a chum dán ar Énrí mac Seáin mhic Briain Uí Néill, agus suíomhann sé dáta an dáin a cumadh ar Bhrian mac Colla, *Mó ioná aois an t-ainmsi ar Bhrian*, c.1650. Scríobh Pádraig Mac Oghannáin isteach ina lámhscríbhinn, ARÉ 24P4 (92), taobh leis na dánta thuas, cúpla dán eile ar mhuintir Mhathghamhna a cumadh sa 15ú hAois agus sa 17ú hAois, cóip de ‘Táin Bó Cuailnge’, amhrán le Walter Luin, cúpla giota eile, agus an cuntas ar ‘Cíos Mhig Mhathghamhna’. Léirigh Ó Dufaigh (1962: 125) sa tríú heagrán de ‘Cíos Mhig Mhathghamhna’ a cuireadh i gcló gur dócha gur cumadh é, nó go ndearnadh athscríobh air, thart faoi dhá chéad bliain i ndiaidh an dáta a thugtar ann, 1425, tharla go bhfuil tagairt ann do Bhrian mac Aodha Óig Mhig Mhathghamhna, a fuair bás sa bhliain 1622.

Meabhraíonn Smith (2017: 328-9) dúinn gur foilsíodh in Ó Tuathail (1951a) dán, *Is mé Suibhne Ghlinne Fearná*, a chum an Tighearna Ab Toirdhealbhadh Mac

Conallaigh, cléireach Caitliceach a bhí i gCluain Eois in aimsir Réabhlóid na bliana

---

The most prominent poet of late seventeenth-century Ulster, and perhaps the most proficient poet of his time in Ireland – regarding metrical attainment and knowledge of classical Irish – was Diarmaid mac Laoisigh [Dubh] Mac an Bhaire. ... and his father is likely the *Laoiseach* (*fl.* 1600) to whom five bardic poems and courtly love poems are attributed and who may himself be identified as the ‘Lissagh son of Dermot’ pardoned amongst other Farney men in 1601. If this is the case, then Diarmaid was likely born in Farney or Cremourne, and may have lived there for a time, if Ó Tuathail [(1956: 109)] was correct in his suggestion that he may be ... the Darby [Roe] McAward who lived in Kilkit (par. Aughnamullen) in 1663-5. The later years of his life were spent in Co. Down, where he was resident in 1689 when he wrote *Fiorchrádh d’Éirinn turas Taidhg* ... to Tadhg Ó Rodaighe.

Is ábhar spéise go bhfeiceann muid é in iomaíocht le hEoghan Ó Donnghaile thart faoin am ar chum, más fíor, Eoghan mairgne ar Bhrian mac Colla (*ob.*1689), gur thug Diarmaid Ruadh na cosa leis isteach i gCo. an Dúin thart faoin am sin, agus go raibh sé ag cumadh do Thadhg Ó Rodaighe sa bhliain 1689. Thaispeáin Mac Cathmhaoil (2017: 217-18) gur tharla easaontas éigin idir an file agus Brian mac Bhriain Mhig Mhathghamhna sna 1680í. Tá dánta le duine de phríomhfhilí scoil Thaidhg Uí Rodaighe, Peadar mac Fhear Feasa Uí Maoil Chonaire (*fl.*1680-91) in ARÉ 24P33 (1076) fosta, lámhscríbhinn ina bhfuil dán le Diarmaid Ruadh agus a grafadh chomh fada siar leis an mbliain 1680. Deirim go sealadach go raibh sé ina bheatha idir na blianta 1647 agus 1689, ach tá mórán oibre fós le déanamh ar an duine spéisiúil seo.

1641. Cé go bhfuil sé scríofa sna *Depositions* gur éirigh leis Protastúnaigh a shábháil ó dheargruathar na reibiliúnach, cuireadh an ruaig air as Co. Mhuineacháin sa bhliain 1657.<sup>565</sup> Cuireadh an ruaig ar athair Bhriain, Colla Mag Mathghamhna, sa bhliain 1652 mar gheall ar an bpáirt ghníomhach a bhí aige sa réabhlóid. Is eol dúinn go raibh Brian ag cur spéis in ábhar na lámhscríbhinní faoin am sin, óir thug sé faoi deara sa bhliain 1652 cóip den ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh) a athscríobh. Tá an méid seo ar eolas againn ón gcóip ghlan a rinneadh den lámhscríbhinn seo i mí Aibreáin 1685, óir níl leabhar na bliana 1652 againn. Thug scríobhaí na bliana 1685 leis an réamhrá a bhí ina eiseamláir, áit a dtugtar le fios gur grafadh an seanleabhar i nGráinseach Leasa Gobhail i bhfochair Bhriain mhic Con Chonnacht Mhig Uidhir, ag tosú ar an 24 Samhain 1652.<sup>566</sup> Ar an 18 Aibreán 1685 a tosaíodh ar LN G168 a ghrafadh, agus tá an chuma uirthi gurbh é Pádraig Mac Oghannáin (*fl.*1685-98) a ghraf í,<sup>567</sup> óir tá an stíl pheannaireachta iontach cosúil lena bhfuil in ARÉ 24L36 (131), lámhscríbhinn a ghraf Pádraig Mac Oghannáin d’Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow ó Cho. Ard Mhacha sa bhliain chéanna. Ní féidir a rá ar scríobhadh an chóip úr do Bhrian mac Colla leis an seanleabhar a athnuachan, ach cheartaigh duine éigin a fuair í ina dhiaidh sin an ginealach a tugadh do Bhrian mac Colla.<sup>568</sup> Is dócha

---

<sup>565</sup> Tá cuntas ar bheatha an fhir seo in Ó Tuathail (1951), McKenna (1920: 26), agus in Ó Gallachair (1957: 182-5).

<sup>566</sup> Féach an *N.L.I. Cat.*, v, 16.

<sup>567</sup> Is dóigh liom é, ach is leas liom ar ábhar éigin sin a áiteamh. Féach an cuntas ar Phádraig Mac Oghannáin i gCaib. 2.91 thíos.

<sup>568</sup> LN G168, f. 1. Ní réitíonn peannaireacht an cheartaitheora seo le láimh an scríobhaí, agus cé go bhfuil peannaireacht mhaith líofa aige, ní dóigh liom gur scríobhaí gairmiúil é. Cheartaigh sé cuid de cholafon scríobhaí na bliana 1685 fosta, ní a thugann le fios go gcaithfidh sé go raibh sé ar an láthair nuair a bhí an obair chóipeála á déanamh an uair sin. Is féidir, mar sin, gurbh é an pátrún a cheartaigh an colafon. Ó tharla go léiríonn sé eolas éigin ar mhuintir Mhathghamhna Fhearnmhaighe, agus gur bhac scríobhaí na bliana 1685 leis an réamhrá ina luaitear Brian mac Colla a thabhairt leis ón tseanchóip (nuair nach cuid den phrós é), bheadh tuairim agam gur grafadh an chóip sin do dhuine de mhuintir Mhathghamhna Fhearnmhaighe, nó do dhuine uasal eile a raibh an-cheangal aige leis an dúiche sin.

gurbh é Eoghan Ó Donnghaile (*ob.*1697) a chum an fheartlaoi atá againn ar an mBrian seo.<sup>569</sup>

Is díol spéise gur grafadh an lámhscríbhinn do Bhrian i gCo. Fhear Manach, ach tá léirithe ag Mac Cathmhaoil (2017: 219) gur dóigh gurbh í bean Bhriain mhic Colla an iníon úd le Brian mac Con Chonnacht éigin a luaitear i gceann de na dánta a cheap Diarmaid Ruadh Mac an Bhaire. Is éard is dóigh le Mac Cathmhaoil (2017: 224 *n.*103) gurbh iníon í ‘with the redoubtable Brian m[ac] Con Chonnachta’ [Mhig Uidhir], an té ar chuidigh a ollamh, Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín, le tiomsú an bhunsaothair.<sup>570</sup> Thug Breathnach (1932*b*: 75) faoi deara i gcás cuid de na teaghlaigh uaisle eile gur luigh siad isteach ar chaomhnú an léinn, mar phátrúin nó mar scoláirí nó scríobhaithe, de réir mar a chaill siad a ngreim ar thailte a sinsear. Tugann Breathnach (1932*b*) Conall Mhag Eochagáin ó Lios Maighne, Co. na hIarmhí, mar shampla den chlaonadh sin i dtreo an léinn a fheictear i measc na seanuaisle ón 17ú hAois amach, ach d’fhéadfaí an rud céanna a áiteamh i dtaobh Bhriain mhic Colla Mhig Mhathghamhna, a bhí ag cnuasach lámhscríbhinní in aimsir chorraitheach, de réir mar a thug scríobhaí an tseanleabhair le fios: deir sé gur grafadh í ‘an b[h]l<i>iadhain a</i> ndeachaigh urmhór Eirionn fa ghné focail ar iocht 7 ar ionchuibh Saxan<...>’.

Ghraf **Eoin Ó Mearráin** (*fl.*1737), scríobhaí Gaeilge ón dúiche thart ar Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, dán amháin ar Bhrian mac Colla isteach sa lámhscríbhinn COBÁC M11, agus tá giotaí d’annála sa lámhscríbhinn chéanna a léiríonn go raibh cineál de cheangal leis an léann traidisiúnta i gCo. Mhuineacháin sa

---

<sup>569</sup> Déanfar plé ar na filí seo thíos.

<sup>570</sup> Ba é Brian mac Conchubhair Mhig Uidhir (*ob.*1633) an pátrún, agus ní fheiceann muid Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín a bheith ina ollamh do Bhrian mac Con Chonnacht go dtí an bhliain 1638.

chéad leath den 18ú hAois.<sup>571</sup> Bhí **Muiris Ó Gormáin** (*fl.*1734-88) i gcomhluadar an scoláire Gaeilge seo i dtús a shaoil, agus chum sé dán molta ar Eoin am éigin roimh an mbliain 1745, sular bhog sé go Baile Átha Cliath. Is i lámhscríbhinn de chuid Mhuiris, ARÉ 23A45 (629) a scríobhadh sa bhliain 1745, atá cóip den dán againn. Tháinig Nioclás Mac Cathmhaoil (2017: 223-4 *n.*88) ar rann beag (droighneach) sa lámhscríbhinn chéanna, ARÉ 23A45 (629),<sup>572</sup> ina bhfuil tagairt do Bhrian áirithe, agus is dóigh leis gur giota de dhán a cumadh ar Bhrian mac Bhriain Mhig Mhathghamhna é. Tá againn dhá lámhscríbhinn eile a bhfuil baint acu le muintir Mhearráin, ARÉ 23A42 (367) agus ARÉ 24I23 (931); is sa dara lámhscríbhinn acu seo atá an t-aon chóip amháin atá againn de mhairgne an Ath. Ros Mag Mathghamhna (*ob.*1722), ceann de na dánta is déanaí a ceapadh, go bhfios dúinn, ar bhall den teaghlach.

Leanadh d'fhillíocht a chumadh ar a raibh in Oiriaila d'fhuíollach na seanteaghlach uasal suas go dtí lár na 18ú hAoise, i ndiaidh dóibh a ngreim a chailliúint ar thailte a sinsear fiú, tailte a baineadh díobh mar chuid de ghabháltas Chlann Bhullaí sna blianta deiridh den 17ú hAois. Taobh amuigh de na dánta déanacha a ceapadh ar Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna (*ob.*1689), a bhfuil fáil ar cheann acu i lámhscríbhinní a grafadh chomh mall leis an gcéad leath den 19ú hAois,<sup>573</sup> tá cúpla dán eile againn a cumadh sa chéad chuid den 18ú hAois. Is caointe ar bhail den teaghlach an chuid is mó acu—féach, mar shampla, an mhairgne a cumadh ar bhás Chaitríona Nig Mhathghamhna (*ob.*1711), arb ionann í, is féidir, mar a thuairimigh

---

<sup>571</sup> Tá na hannála seo i gcló in Morris (1917). Stadann siad sa bhliain 1651.

<sup>572</sup> ARÉ 23A45 (629), lch 4, *An Briansa aige sporadh air ghaillfhearaibh*. Rann samplach i dtráchtas prosóide atá ann.

<sup>573</sup> Déarfainn gurb í an iarracht is gaire do thraidisiún na lámhscríbhinní déanacha (díobh siúd a cumadh ar Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna), agus is scaoilte ó thaobh meadarachta, an ceann is mó a fheictear sna lámhscríbhinní déanacha .i. an mhairgne a ceapadh ar bhás Bhriain.

de Brún (1968: 622-3), agus Cairtrín Ghearr;<sup>574</sup> ceann eile ar an sagart paróiste i nDomhnach Maighean, an tAth. Ros Mag Mathghamhna (*ob.*1722);<sup>575</sup> ceann ar a dheartháir(?), an tAth. Éamonn Mag Mathghamhna;<sup>576</sup> agus, an ceann is déanaí, is féidir, a ceapadh ar bhall de mhuintir Fhearnmhaighe, Brian Mag Mathghamhna (*ob.*1730),<sup>577</sup> nach eol dúinn goidé an pháirt go díreach a bhí aige le sliocht Éimhir. Faightear na dánta ar an Ath. Ros agus ar Bhrian i gcóipeanna aonair i lámhscríbhinní a bhfuil ceangal éigin acu le muintir Mhearráin agus Mhuiris Uí Ghormáin.

Cumadh filíocht ar bhail de chraobhacha eile de mhuintir Mhathghamhna sa 17ú hAois. Nuair a thit triúr dar shloinne Mag Mathghamhna i gCath Eachdhroma sa bhliain 1691, scríobh Éamonn Ó Caiside (*fl.*1676-1704), scríobhaí, lia agus file, mairgne orthu in éineacht lena chéile, *Trom tubaisde ar shíol gColla: Art Óg Mag Mathghamhna ó shliocht Thigh Damhnata; agus beirt deartháireacha, Pádraig Mag*

---

<sup>574</sup> *Iomdha éacht do-ní an t-éag mur shaoilim*, COBÁC A18, f. [i]. I gcló mar aon le nótaí in de Brún (1968: 222-5). Más í Cairtrín Ghearr í an bhean a chaoitear sa mhairgne seo, b'iníon le hArdghal Mag Mathghamhna (*fl.*1672) í, agus bhí sí fásta aníos sa bhliain 1677 nuair a rinne sí 'díobháil' ar Phádraig Fléimeann. Is dóigh gurb ionann Ardghal agus an duine ar promhadh a thiomna sa bhliain 1684; féach Ó Mórdha (1991: 27).

<sup>575</sup> *A theampaill ársaidh, cealg do chéile*, ARÉ 24123 (931), ff. 145-7. Níor cuireadh in eagar í. Tugtar cuid mhaith eolais ar an sagart seo in Ó Gallachair (1984: 379-80) agus in Ó Mórdha (1991: 28-9), áit a dtugtar le fios gur dóigh gurb ionann an 'Coll' a luaitear i dtiomnaí an Ath. Ros agus an Caipt. Colla Mag Mathghamhna. Tacaíonn an dán seo leis an tuairim sin go pointe áirithe.

<sup>576</sup> *A Athair Éamoinn, is é mo dhíombáidh do chodladh a bheith trom*. Cuireadh an dán in eagar in Ó Muirgheasa (1934: 192-4) as leaganacha béil; tugtar nóta gairid ar an sagart seo in Ó Mórdha (1991: 29), áit a ndeirtear gur féidir gur dheartháir é leis an Ath. Ros Mag Mathghamhna a d'éag sa bhliain 1722, toisc go ndeirtear sa mhairgne (3d) gur mhac le hArdghal Mag Mathghamhna é, agus luaitear deartháir darbh ainm Peadar leis an Ath. Éamonn a bheith ar deoraíocht sa Spáinn (4ab). Ní heol dom go bhfuil cóip den mhairgne seo i lámhscríbhinn ar bith dár tháinig slán.

<sup>577</sup> *Is mór an béad don éag mar 'bhuaíl sé*, ARÉ 23122 (630), lch x. Chuir Ó Muirgheasa (1934: 218-22) an dán in eagar, agus tugann sé, murab ionann agus na dánta thuas, roinnt mhaith eolais dúinn faoi Bhrian. Fuair sé bás sa bhliain 1730, d'fhág sé baintreach ina dhiaidh, agus ba mhac le Pádraig mac Rosa Mhig Mhathghamhna é (féach *ll.* 4, 68, 84-6 san eagrán). Ainmnítear deartháir leis, Rudhraighe (*l.* 60), agus duine muinteartha eile, Colla (*l.* 57), is dóigh. Thug Ó Mórdha (1991: 29-30) le fios, an té a chuir cuid mhaith den eolas seo le chéile ó eagrán Uí Mhuirgheasa (1934), gur dóigh ón tagairt a dhéantar dá bhean sa dán go raibh Brian óg nuair a fuair sé bás, agus ceanglaíonn sé Brian an dáin le Brian Mac Mahon ó Dhroim Bó, Machaire Cluana, a shínigh a thiomna ar an 16 Aibreán 1730, tiomna a promhadh ar an 21 Aibreán 1730. Bhí bean ag Brian an tiomna, Joan Mac Kenna, agus déantar trácht ar cheathrar páistí, Ever, Anne, Molly, agus Agnes.



Mathghamhna agus Brian Mag Mathghamhna ó shliocht Dhartraighe.<sup>578</sup> Fostaíodh scríobhaí leighis eile, **Énrí Ó Caiside** (*fl.*1657-1703), mar bhailitheoir cánacha i gCo. Mhuineacháin sa bhliain 1690 (Ó Tuathail 1940*a*: 163). Bhí lámhscríbhinn le Conchubhar Mhag Aodha<sup>579</sup> i seilbh an Ath. Philip Mac Ardghail, sagart Caitliceach i gCluain Tiobrad sa bhliain 1744, sagart ar ar cumadh dán molta amháin i nGaeilge ar a laghad.<sup>580</sup> Tharlódh sé go raibh Muiris Ó Gormáin sa chomharsanacht sin lá den saol, óir bhí COBÁC M19—cóip de ‘Mac na Míchomhairle’ dar dáta 1734, agus an chéad iarracht atá againn uaidh—idir lámha ag Bryan McMahon ó Chluain Tiobrad sa bhliain 1775, agus tá píosa in ARÉ 23A45 (629) a bhfuil baint aige leis an áit. Sa bhliain 1745 a grafadh an lámhscríbhinn seo, agus bhí Muiris ag cur faoi go buan i mBaile Átha Cliath níos lú ná fiche bliain ina dhiaidh sin.

Faoin am ar thug Seán Ó Donnabháin turas ar an dúiche thart ar Mhuineachán i mí Dheireadh Fómhair 1835, bhí an teanga ag imeacht as úsáid go gasta. Tá cúpla lámhscríbhinn againn, áfach, ó thuaisceart an chontae a léiríonn go raibh cineál de thraidisiún scríofa ann ag deireadh na 18ú hAoise. Dúradh cheana gur féidir gur den dúiche chéanna iad **Mícheál Ó Cathaláin** (*fl.*1795), **Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [1]**, **Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [2]** (*fl.*1794), agus **Aodh Mac Conainn** (*fl.*1762). Tá ceithre lámhscríbhinn againn ina bhfuil toradh a saothar; d’fhéadfadh sé go raibh siad, nó an chuid is mó acu, lonnaithe gar do Mhuineachán. Bhí ceann amháin de na lámhscríbhinní seo, ARÉ 23I37 (422), i gCorr na hUamha taobh thoir de Mhuineachán ina dhiaidh sin. Tá níos mó de lámhscríbhinní

**Shéamuis Mhic Giolla Ruaidh** (*fl.*1811-20) againn ná de shaothar aon scríobhaí

---

<sup>578</sup> I gcló in Ó Tuathail (1941-2). Tá liosta de na cóipeanna den téacs atá ar eolas agam in Aguisín 10 thíos.

<sup>579</sup> Féach Caib. 1.4.1.4 i dtaobh an scríobhaí seo.

<sup>580</sup> Cuireadh an dán i gcló in Moore (1955) agus in Mac Cathmhaoil (2013: 112, 185-6), ach ní dóigh liom gurbh é Muiris Ó Gormáin a scríobh ná a chum é, ar pheannaireacht na haon chóipe amháin den téacs atá ann—in ARÉ 23M4 (332); féach an plé ar Mhuiris Ó Gormáin i gCaib. 2.172 thíos. Gheofar tagairtí do bheathaisnéisí ar an Ath. Philip Mac Ardghail i nóta 2851 thíos.

eile ó thuaisceart Cho. Mhuineacháin; ba i mBaile an Scotaigh a bhí cónaí air nuair a bhí sé ag cóipeáil lámhscríbhinní do phátrúin i mBéal Feirste idir 1811 agus 1820.

Tharlódh sé go raibh **Pól Ó Tighearnáin** ag scríobh téacsanna i gCluain Eois sa chéad cheathrú den 19ú hAois; tá a lámh thar a bheith cosúil le peannaireacht Shéamuis Mhic Giolla Ruaidh. Níl againn ach lámhscríbhinn aonair de chuid **Bhriain Mhic Cionnaoith** (*fl.*1810-23) ó pharóiste an Domhnaigh a grafadh sa bhliain 1810. Féadtar a thaispeáint gur tógadh formhór mór na lámhscríbhinní seo as tuaisceart an chontae sula ndeachaigh an teanga i meath ann, agus thig linn a bheith measartha deimhnitheach de nach bhfuil againn ach fuíoll áir ó thuaisceart Cho.

Mhuineacháin i gcomórtas le contaetha eile.<sup>581</sup> Ní fearr ach oiread cúrsaí i ndeisceart an chontae. I measc na mbloghanna a scríobh Séamus Mac Giolla Ruaidh sa chomhleabhar LN G199(1), tá cóip de ‘Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill’, ní a léiríonn go raibh filíocht Shéamuis Mhic Cuarta á scaipeadh taobh thiar de Mhuineachán. Agus léiríonn nóta a scríobh Ó Mórdha (1958*b*: 267 *n.*16) i dtaobh úsáid na Gaeilge i dtuaisceart Cho. Mhuineacháin sa 19ú hAois go raibh duine amháin ann chomh mall leis an mbliain 1844 a bhí fós ag léamh ábhar Gaeilge, Felix Kelly éigin ón Mullach Mór i bparóiste Thigh Damhnata.<sup>582</sup>

Níl againn ach cúpla blogh ón Triúcha. Cé nach bhfuil a fhios againn cé a ghráf LBO Rawl. B477 (25) go díreach, tá sé soiléir ó chuid den bhreacadaíl agus den dramhpháipéar atá sa lámhscríbhinn gur cuireadh le chéile í i dTriúcha, nó díreach ar an taobh eile de theorainn an chontae, agus gur féidir go maith gur scríobh duine dar shloinne Mac Cionnaoith í, toisc an t-ainm sin a bheith luaite cúpla uair i mBéarla

---

<sup>581</sup> Féach Caib. 1.1.3. thuas.

<sup>582</sup> Is é seo nóta Uí Mhórdha (1958*b*: 267 *n.*16) ar an gcóip, ní nach eol dom céir leis í faoi láthair: ‘In regard to the reading of Irish in the Monaghan area it is interesting to find that a copy of the 1835 edition of the *Spiritual Rose* which I have by me as I write bears the inscription “Felix Kelly’s book, townland of Mullaghmore, Parish of Tydavnet and County of Monaghan 14<sup>th</sup> January 1844.” This is probably the Felix Kelly referred to in a headstone inscription in Tydavnet Old Cemetery...’

agus i nGaeilge sa bhreacadaíl atá uirthi: John McKenna ach go háirithe.<sup>583</sup> Is dóigh gur leis an dúiche seo a bhaineann CM L3 (*a*), a bhfuil cuntais inti a luann logainmneacha i bparóiste an Aireagail.<sup>584</sup> Dheisigh **Philip Mac Dhubhghail** (1720–) ón nGabhlán an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1806 in aois a 86 bliana. Rinne Seán Ó Donnabháin tagairt do stair a thrácht ar mhuintir Mhic Cionnaoith a mbíodh fáil uirthi sa chomharsanacht, ach theip air í a aimsiú ‘after making a search of their manuscripts’.<sup>585</sup>

Ó tharla go raibh Gaeilge á lábhairt go fóill in oirdheisceart an chontae, i mbarúntacht Fhearnmhaighe, san 20ú hAois, tuigtear go bhfuil ceangal láidir idir an dúiche sin agus an Ghaeilge, agus tá dornán lámhscríbhinní againn go fóill a scríobhadh ann. Fuair Seosamh Laoide (1896: 149) cainteoirí dúchais trí mhíle taobh amuigh den Charraig i ngach treo sa bhliain 1896 agus ba dhóigh le Seán Ó Donnabháin seasca bliain roimhe sin go raibh muintir Fhearnmhaighe ‘as Irish as they were in the days of Ever mac Cooly [McMahon]’.<sup>586</sup> Cé go bhfuil go leor ábhair againn le tabhairt le fios go raibh traidisiún lámhscríbhinní ann suas go dtí 1824, ar a luaithe, níl ach glacán beag samplaí de lámhscríbhinní againn, sa dóigh nach féidir na naisc a bhí idir na scríobhaithe a dhéanamh amach go sásúil. Tá againn, mar shampla, lámhscríbhinn amháin, COBÁC A39 (*a-b*), de chuid an Ath. **Brian Ó Cathaláin** (c.1750-1804), a chaith tréimhse ina mhac-chléireach in Antwerp, agus lean sé d’iontrálacha foclóra agus téacsanna a chur leis an lámhscríbhinn ar fhilleadh dó ar Dhomhnach Maighean, áit ar ceapadh é mar shagart paróiste timpeall na bliana

---

<sup>583</sup> Déantar tagairt do Cho. Thír Eoghain uair amháin in achainí a scríobhadh ar an dramhpháipéar a cuireadh i gclúdach na lámhscríbhinne lena láidriú. Maidir le hainm an scríobhaí, b’fhéidir nár mhiste a mheabhrú don léitheoir go bhfuil Mac Cionnaoith ar an sloinne is flúirsí sa taobh sin tíre.

<sup>584</sup> Féach nóta 1477 thíos.

<sup>585</sup> Tá mairgne ghearr ar shagart darbh ainm Ros Mac Cionnaoith ón Triúcha a fuair bás sa bhliain 1758 scríofa i lámhscríbhinn dar dáta 1810 faoi dhó ag Brian Mac Cionnaoith ó Dhomhnach, Co. Mhuineacháin, ní a foilsíodh in Ó Gallachair (1976: 70).

<sup>586</sup> Féach Herity (2012: 184), áit a bhfuil an litir i gcló. Ar an 14 Bealtaine 1835 a scríobh Seán Ó Donnabháin an litir sin.

1782. Thug sé tamall di dá dheartháir, **Pádraig Ó Cathaláin** (*fl.*1788-93), nuair a chuaigh sé chun na Fraince le bheith ina shagart. Ós féidir gur shocraigh Pádraig i gCo. Lú ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh sé gurbh in an dóigh ar tharla cuid d'fhillocht an Ath. Brian Ó Cathaláin in eagrán úr de shaothar Mhatha Mhic Cinnéadaigh (*fl.*1800-36), *The Spiritual Rose* (1800),<sup>587</sup> a cuireadh amach sa bhliain 1825. Ní fios cé a réitigh an leagan sin don chló, áfach. Ba leis an Ath. **Séamus Ó Dúiche** (*ob.*1858) COBÁC A39 uair, duine den bheirt shagart darbh ainm sin i gCo. Mhuineacháin a chuir spéis sa Ghaeilge i lár na 19ú hAoise. Chuir an tAth. Séamus focail bhreise isteach i gcóip d'fhoclóir O'Reilly idir na blianta 1822 agus 1828 nuair a bhí sé i bparóiste Mhucshnáimh. An tAth. Séamus Ó Dúiche (*c.*1777-1863) eile, chum Art Mhac Bionaid dánta molta air, ach ní fios dom go scríobhadh sé lámhscríbhinní. Mheas Laoide (1904: 13) ar ábhar nach dtuigim féin, gur scríobh Art Mhac Bionaid COBÁC M20 don 'Ath. Mag Mathghamhna' .i. don Chanón. Patrick Joseph McMahon (*c.*1819-1888), S.P. Dhomhnach Maighean, sa bhliain 1852, agus gurbh eisean an 'Reverend Sir' chuig ar scríobh sé an litir atá istigh le COBÁC M20 ar an 27 Aibreán 1852, ach tá glacadh leis gurbh é an tAth. Pádraig Ó Luain ón gCreagán, Co. Ard Mhacha, a bhí i gceist aige anseo. Chomh mall leis an dara leath den 19ú hAois, bhí cúpla duine fós in inmhe Gaeilge a léamh agus a scríobh in oirdheisceart Cho. Mhuineacháin. Duine acu siúd ab ea Sailí Ní Anluain (bean Uí Mhearráin).<sup>588</sup>

<sup>587</sup> Féach Caib. 1.4.1.1, nóta 333 thuas, agus go mórmhór McKenna (1991).

<sup>588</sup> Déanann Ó Corragáin (1974: 37) tagairt do litir a fuair sé ón Ath. Lorcán Ó Mearáin, S.P. Charraig Mhachaire Rois, inar scríobh sé go raibh duine dá chomharsana in ann Gaeilge a labhairt, cé nárbh eol don Ath. Ó Mearáin sin go dtí gur thug sé cuairt air sa bhliain 1941. Pádraig Ó Mearáin ó Dhroim Gamhna ab ea an fear seo, agus dúirt sé leis an Ath. Ó Mearáin gur fhoghlaim sé a chuid Gaeilge, mar aon le roinnt amhrán agus dánta, óna mháthair, Sailí Ní Anluain, a bhí in ann Gaeilge a léamh agus a scríobh. Sliocht as litir an Ath. Uí Mhearráin [? arna haistriú go Gaeilge ag an Ath. Ó Corragáin]: 'An t-am sin nuair nach raibh foilseachán Gaeilge ar bith ar fáil, ba é an leabhar ab fhearr léi ná *Old Moore's Almanac*, a raibh roinnt dánta Gaeilge ann gach bliain. Fear darbh ainm Ó Néill as an Phort Mór a scríobh iad. Bhí meas mór ag Sailí ar a chuid filíochta' (Ó Corragáin 1974: 37).

Scríobhaí Gaeilge ó pharóiste Mhachaire Cluana ab ea **Éamonn Mhac Cába** (*fl.*1824-47), a chuir lámhscríbhinn le chéile den chuid is mó i nGréach an Mhuillinn idir na blianta 1824 agus 1828; i bpríosún Mhuineacháin a scríobhadh codanna eile di sa bhliain 1825. Scológ shaibhir a bhí ann, agus is leor mar léiriú ar a chuid tuairimí polaitiúla go bhfuil cóip d’urnaí do Dhomhnall Ó Conaill aige áit amháin sa lámhscríbhinn. Is i mbaile fearainn beag darbh ainm Gréach na Ruag amháin a fheiceann muid triúr scríobhaithe ag saothrú ag tús na 19ú hAoise, ach tá an t-eolas a thugann na ceithre lámhscríbhinn de chuid an triúir seo a tháinig anuas chugainn chomh gann bearnach sin nach éasca a léiriú go gcuidídís lena chéile ar chor ar bith; is beag trasnaíl atá ann idir na lámhscríbhinní ar aon nós, agus ní fios cá fhad a bhí siad ag obair ann. Athair Thomas O’Conor (*c.*1812-1842), an té a rinne obair le Seán Ó Donnabháin ar an tSuirbhéireacht Ordanáis ab ea an chéad duine acu, **Tomás Ó Conchubhair** (*fl.c.*1812-1824) nó Thomas Connor. An t-aon lámhscríbhinn atá againn dá dhéantús, ba é Énrí Ó Muirgheasa a fuair í i bhFearnmhaigh go luath san 20ú hAois, agus tá i measc an ábhair a scríobh Tomás inti idir na blianta 1820 agus 1824 cóip neamhiomlán de ‘Duan Uí Shiadhail’, nach bhfuil ach trí chóip eile de ar fáil. Is éard a thuigfí ón lámhscríbhinn, gur cosúla le leabhar nótaí a cuireadh le chéile faoi choinne úsáid phearsanta í ná lámhscríbhinn fhoirfe. Ba é **Tomás Mhag Ceitearu** (*fl.*1800-26) an dara duine acu: máistir de chuid an *Irish Society* a maraíodh timpeall na bliana 1828 toisc an bhaint a bhí aige leis na cumainn bhíoblóireachta; d’fhág sé againn dhá bhlogh dar dáta 1800-1801 agus 1804, atá ceangailte le chéile anois mar chuid de LBO Ir.e.4 (16). Chóipeáil Tomás colafon ó lámhscríbhinn le ‘Padruig Ó Daoire’ isteach ina lámhscríbhinn féin áit amháin, agus is dóigh gurb ionann é agus an scríobhaí Pádraig Ó Daighre (*fl.*1809) a litríodh a ainm ar an dóigh sin nó geall leis. Is féidir, mar sin, go raibh cónaí air gar do

Ghréach na Ruag. Cnuasaigh thipiciúla de dhánta Oiriaila de chuid na 18ú hAoise atá sna lámhscríbhinní thuas, agus d’fhéadfaí an rud céanna a rá faoin dá lámhscríbhinn atá againn ó láimh **Aodha Mhic Cába** (*fl.*1800-47), a chaith deireadh a shaoil ina choitéir ar éastát Shirley. Tá sna lámhscríbhinní a ghráf sé, mar aon le roinnt scéalta rómánsaíochta, cóip de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ a bhfuil tréithe i gcoitinne aici leis na cóipeanna den scéal a ghráf Muiris Ó Gormáin. Is sa lámhscríbhinn LN G1423 atá an chóip seo, lámhscríbhinn a bronnadh ar an Leabharlann Náisiúnta chomh mall leis an mbliain 2009.

#### **1.4.1.4. Ard Mhacha**

B’fhearr tosú le dhá lámhscríbhinn a grafadh thart faoi lár na 17ú hAoise sa chontae seo, ina bhfuil cnuasach maith de ghinealaigh, de rainn agus d’annála, mar aon le hábhar eile. Áiríonn Nollaig Ó Muraíle iad i measc na gcnuasach déanach ginealach is luachmhaire atá againn. Tugann sé orthu, ‘... the interesting collection of genealogies found in the seventeenth-century Ulster manuscripts TCD H.4.25 and TCD H.4.31. ... the great bulk of the text has never been published’ (Ó Muraíle 2010: 135). Cuireadh codanna díobh i gcló sna 1930í.<sup>589</sup> Ó tharla gur doiligh smaoineamh ar lámhscríbhinní eile dá gcineál a scríobhadh in Oiriaila sna blianta díreach roimh agus i ndiaidh thús ré na Nua-Ghaeilge, is fiú cuid mhaith spáis a thabhairt dóibh thíos.

Cé go bhfuil log agus dáta scríofa cruinn againn do CT H.4.31 (1372)—in Ucht Leacain ag dátaí difriúla sa bhliain 1668; sin agus ainm an scríobhaí—**Eoghan Carrach Mac Conmhaoil** (*fl.*1668), níl eolas ar bith den sórt seo ar fáil faoin

---

<sup>589</sup> Féach cuid de na hailt a chuir sé i gcló ar an *Irish Book Lover*, mar shampla, *Breathnach* (1931: 6; 1931*a*; 1935: 9; 1935*a*; 1936*a*; 1937; 1938). Féach nóta 791 thíos, áit a ndéantar plé ar lámhscríbhinn eile ina bhfuil cuid de na ginealaigh atá sa dá lámhscríbhinn sin.

lámhscríbhinn eile, CT H.4.25 (1366). Glactar leis gur lámhscríbhinn Ultach í, ach is é Ó Ceallaigh (1951: 42) an t-aon scoláire a rinne iarracht í a cheangal le contae ar leith; is dóigh leis gurbh i ngar don Fhiodh i gCo. Ard Mhacha a scríobhadh í,

As a suggestion for future research on Armagh and thereabouts, it might be well to emphasise the importance of H.4.25. already quoted. It seems to have been written in that neighbourhood, for, apart from the ordinary recensions covering the more distant families, it gives special attention to the descent of many minor peoples in the vicinity of Armagh whose genealogies are not found elsewhere—Muintear Mhaolchraoibhe, Ó Mealláin, Ó hAdhmaill, Ó Lorcáin, Clann Chonmhaoil (Mac Conville), Ó Tréinfhir and Ó Muireagáin (a doubtful pedigree). Witness the stress laid on MacDomhnaill of Clann Chearnaigh—a local lord; observe the skimpy treatment meted out to Ó Catháin—the single line back from Domhnall Ballach. So it looks as if the scribe were not specially interested in folk so far from home. But MagAonghusa and Ó hAnnluain seem to have been accorded more generous consideration, ... Everyone knows how Father Paul Walsh has utilised it to extend our knowledge of the O Neills.

Táthar fós in amhras faoi dháta a scríofa, ach is eol dúinn nár grafadh roimh an mbliain 1629 í, mar a fheicfear ar ball, agus déarfaí, is dóigh, ar an gcéad amharc, go bhfuil cruth níos ársa uirthi ná CT H.4.31 (1372), lena bhfuil dátaí i mí Feabhra 166[8] agus i mí na Bealtaine 1668. Tugann Lhwyd an chéad chuntas ar dháta scríofa CT H.4.25 (1366): tuairim is 1630, dar leis, i nóta a scríobh sé ar dhuilleog inti, áit a dtugann sé le fios go bhfuair sé í ó Henry Aldridge sa bhliain 1703.<sup>590</sup> Ba dhóigh le Walsh (1928) nach bhfuil i gceist ach tuairim sa dáta sin, 1630, cé gur dhóigh leis gur mhaith mar thomhas é. D'fhéach Walsh (1928: 27-8) le dáta ní ba chruinne a fháil—deir sé linn go gcaithfidh sé gur scríobhadh í sa bhliain 1629 nó

---

<sup>590</sup> Tá an nóta seo i gcló sa *T.C.D. Cat.*, 220, áit a dtugtar cuntas ar an lámhscríbhinn. Déantar trácht ar CT H.4.31 (1372) sa *T.C.D. Cat.*, 223. Ní thugtar aon chuntas ann ar an dóigh a bhfuair Coláiste na Tríonóide greim ar CT H.4.31 (1372), ná in O'Sullivan (1976), ach bhí sí ag Muiris Ó Gormáin tráth; sin nó scrúdaigh sé í i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1776 (féach O'Sullivan (1976: 239)), óir tá giota páipéir ar a clúdach ar a bhfuil nóta i bpeannaireacht Mhuiris faoi na téacsanna atá inti. Ní dhéantar tagairt di i gcatalóg Young (a scríobhadh sa bhliain 1781), áfach. Caithfear féachaint ar an gceist seo am eile.

ina dhiaidh sin, toisc go bhfuil annálach Airt Mhig Aonghusa (*ob.*1629) inti, ní a chuir sé i gcló in *Breathnach* (1931*a*: 167 *n.*7). Mar gheall ar dhaoine a bheith ann agus ar dhaoine eile a bheith in easnamh sna ginealaigh, is dóigh le Walsh gur scríobhadh í tar éis 1639, b'fhéidir, agus tugann sé *c.*1640 mar thomhas. Chonacthas cheana gur thug Ó Muraíle (2010: 135) 'seventeenth-century Ulster manuscripts' ar CT H.4.25 (1366) agus CT H.4.31 (1372), ach deir sé in Ó Muraíle (2005: 421) go mbaineann an dá lámhscríbhinn leis an dara leath den aois sin. Is ábhar spéise an nóta a thugann scríobhaí CT H.4.25 (1366) i dtaobh na leabhar as ar bhain sé cuid den ábhar atá inti,

[153] Do neithibh as ionchuimhnighthe andso síos do réir derbhtha sheinleabhar ionchreidthe gidh co nabrad aroile go bfuil cuid díbh brégach acht cheana ní cóir an seanfhocal do shárughadh .i. gur laoidh nó litir chothaighes.<sup>591</sup>

Fuair an scríobhaí an scéal próis, 'Bás Cearbhaill agus Fearbhlaidhe', i seanleabhar doléite fosta, óir scríobhann sé ag deireadh an scéil thíos, 'Mo mhallacht ar an tsenchairt'.<sup>592</sup> Léirigh cuid de na hait a d'fhoilsigh *Breathnach* inar pléadh annála, ginealaigh agus rainn fáin CT H.4.25 (1366) agus CT H.4.31 (1372) a chosúla lena chéile is atá cuid d'ábhar na lámhscríbhinní sa dóigh gurbh fhéidir le *Breathnach* (1935: 9), agus le hÓ Lochlainn (1936: 69), a scríobh gur 'sister MSS' a bhí iontu; ní beag an léiriú air sin, is dóigh, an chéad alt eile ar na lámhscríbhinní seo a scríobh *Breathnach* (1937), cuntas ar ghinealaigh na bPluincéadach. Féach fosta, mar shampla, go bhfuil giotáí de na hannála lenar cuireadh an nóta thuas in CT H.4.25 (1366) le fáil scun scan in CT H.4.31 (1372), de bhreis ar na téacsanna a léiríodh a

---

<sup>591</sup> Mar a cuireadh i gcló é in *Breathnach* (1936*a*: 59).

<sup>592</sup> Cuireadh an nóta seo i gcló in Walsh (1928: 45) i measc na léamh breise. Is é seo an colafon is ábhar, measaim, lenar scríobh Ó Ceallaigh i dtaobh na nginealach atá inti, 'H.4.25 is a very reliable manuscript for recent generations but possibly not so trustworthy for remoter connections. At many points the copyist does not seem to have worked from a good exemplar' (Ó Ceallaigh 1951: 41).



bheith i gcoitinne ag an dá lámhscríbhinn lena chéile sna catalóga. Thaispeáin Breathnach (1937) go bhfuil leaganacha de chuid de na ginealaigh i gcnuasach páipéar de chuid an scríobhaí Muiris Ó Gormáin,<sup>593</sup> agus is eol dúinn gur láimhseáil Muiris CT H.4.31 (1372) uair.<sup>594</sup> Tugtar le fios san áit chéanna gur scríobh Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear<sup>595</sup> ginealaigh sa chéad aois eile a bunaíodh ar lámhscríbhinn ar nós CT H.4.31 (1372).

Scríobh **George Codan** (fl.1651-82) dán chuig an Marcas Urmhumhan lena shaoradh ó phríosún Ard Mhacha sa bhliain 1680, agus cuireadh é go Sasana an bhliain dár gcionn leis an leabhar a thabhairt in aghaidh Naomh Oilibhéar Pluincéad. Cuimhneofar air fosta gur gheall Flann Mac Maoir ó Bhaile Mhic Mhaoir *Leabhar Ard Mhacha* ar £5 sa bhliain 1681 le dul go Sasana ar an ábhar céanna; tharla an lámhscríbhinn i gcnuasach Airtiúir Mhic Airtiúir Brownlow (1645-1712), bailitheoir lámhscríbhinní ó Theach na Lorgan, Co. Ard Mhacha, ina dhiaidh sin.

Tá go leor leideanna againn gur cothaíodh an litríocht ann nuair a bhí greim ag muintir Néill ar an bhFíodh. Tá againn go fóill roinnt mairgní a cumadh orthu i bhfíordheireadh ré na Nua-Ghaeilge Moiche, agus ina dhiaidh sin. Is mairgne le Cormac Mac Con Midhe<sup>596</sup> ceann acu seo, dán a ceapadh ar bhás Thoirdealbhaigh mhic Énrí Uí Néill (ob.1640), *Dúal cuimhne ar chaithréim flatha*.<sup>597</sup> Scríobh file

---

<sup>593</sup> ARÉ 23M4 (332).

<sup>594</sup> Féach nóta 590 thuas.

<sup>595</sup> Féach ARÉ 23M17 (153) + ARÉ 23M18 (154), LN G177.

<sup>596</sup> Más fíor do na lámhscríbhinní, bhí beirt fhilí darbh ainm Cormac Mac Con Midhe ceangailte le craobhacha éagsúla de mhuintir Néill—duine acu is ea é Cormac mac Bhriain Mhic Con Midhe, an té a cheap dán ar Bhrian Ó Néill (Clann Aodha Buidhe), a bhfuil cóip de in ARÉ 24P33 (1076), duanaire an teaghlaigh sin. Is é an duine eile an file a luadh thuas, Cormac mac Cearbhaill Mhic Con Midhe, a cheap an dán atá i lámhscríbhinn Aodha Uí Dhálaigh, agus is féidir gur dhuine ar leith é, tharla gurbh eisean a cheap an dán sin ar Art mac Thoirdealbhaigh Uí Néill [? de Mhuintir an Fheadha, nó de Chlann Aodha Buidhe], *Fada an ruaigse ar ríoghraidh Breagha*. Más ea, is doiligh a rá fós cé acu Cormac mac Cearbhaill nó Cormac mac Bhriain a chum an dán *Dúal cuimhne ar chaithréim flatha* ar Thoirdealbhaigh mac Énrí Uí Néill. Féach nóta 598 thíos, áit a ndéantar plé beag ar na deacrachtaí a bhaineann leis na dánta sin.

<sup>597</sup> LN G1304, f. 139. I gcló in McManus & Ó Raghallaigh (2010), uimh. 201.

darbh ainm Cormac Mac Con Midhe *Fada an ruaigse ar ríoghraidh Breagha* ar bhás Airt Uí Néill éigin (nach fios dúinn gur de Mhuintir an Fheadha é; d'fhéadfadh sé gur de Shliocht Airt Óig é). Cuid de shraith trí dhán atá sa dara dán sin, rud atá ar coimeád i lámhscríbhinn a ghráf Aodh Ó Dálaigh sa bhliain 1755, taobh le dánta eile a bhaineann le teaghlaigh uaisle eile ó Oirthear Uladh.<sup>598</sup> An dán sin a cumadh ar Thoirdealbhadh mac Énrí Uí Néill, tá sí ar fáil i gcóip aonair, go bhfios dom, in LN G1304, áit a bhfuil dornán dánta eile ar chraobhacha difriúla de mhuintir Néill, mar aon le mairgne ar Art mac Thoirdealbaigh mhic Airt Óig mhic Thoirdealbaigh mhic Énrí na nGartann 'ón bhFíodh a ccuntáe Árdmacha', *Diombuan ceannas Chloinne Néill*.<sup>599</sup> Léiríonn sleachta as páipéir stáit a thiomsaigh Ó Fiaich (1974: 296-7) gur cailleadh é c.1682.<sup>600</sup> Ba é **Conchubhar Mhag Aodha** (fl.1681)

<sup>598</sup> An dá dhán eile ar mhuintir Néill sa tsraith seo, *Buaidhreadh cóigídh caoi éanmhna* (ar bhás Airt Uí Néill), agus *A Thoirdealbaigh, turn h'aigheadh* (dán ar Thoirdealbhadh Ó Néill), leagtar iad ar Fhear Flatha Ó Gnímh, ach tá curtha ina aghaidh sin ag Cunningham & Gillespie (1984: 110 n.21) ar an mbonn go mbaineann siad le glúnta eile a bhí beo i bhfad i ndiaidh a ré. Is dóigh le Cunningham & Gillespie (1984: 110 n.21) gur ceapadh iad ar bhaill de Mhuintir an Fheadha, ach deir Ó Doibhlin (2000: 405) gur de Shliocht Airt Óig é Art Ó Néill, ar ar cumadh *Fada an ruaigse ar ríoghraidh Breagha*—is follas go gcaithfear féachaint air seo áit eile.

Tá an chéad dá dhán i gcló in McManus & Ó Raghallaigh (2010), uimh. 217, 74. Is in CT H.1.17 (1291) atá na cóipeanna aonair díobh atá againn. Scríobh Aodh Ó Dálaigh iad sa bhliain 1755.

<sup>599</sup> LN G1304, f. 96v. Tugtar giotaí as in Ó Fiaich (1974: 296-7).

<sup>600</sup> Foilsíodh in Ó Fiaich (1974: 276-8, 296-7; 1977: 387) cuntas ar a athair, Toirdhealbhadh, a d'éag c.1673, mar aon le roinnt nótaí ar Art é féin. Chuir Art faoi i gCo. Mhaigh Eo ar na tailte a tugadh dá athair ann. Seo an cuntas a thugann an Caird. Ó Fiaich ar an dán, 'We shall deal first with the descendants of Turlough mac Airt Óig. By Turlough's marriage with Catherine, daughter of Robert Hovendon of Ballynameetagh, Co. Armagh, he had a son Art Óg who is later found in Co. Mayo and who married Alice daughter of Calbhach O'Donnell. Turlough (called 'of Tassagh' i.e. Co. Armagh) died intestate in or before 1673 and Art Óg took out on 10 June 1673 letters of administration of the property, which he possessed for some years. He is presumably the Arthur O'Neill of Meelick, Co. Mayo, who in turn had letters of administration taken out on his property in 1682, which provides a *terminus ante quem* for his own death'.

Agus cosúlachtaí idir na colafoin in LN G1304 agus ARÉ 24L18 (b) (128) á bplé againn thuas—féach Caib. 1.2.1, colafoin 11, 12—tagraíodh don alt seo cheana. Deir Ó Fiaich fosta, 'A poem in Irish of forty-two quatrains of this Arthur O'Neill beginning *Diombuan ceannas chloinne Néill* and still unpublished is contained in a 17th century Irish Ms. now in the National Library of Ireland (Neg. 6022). The Ms. was written by a scribe who calls himself Conchubhar Mhagaoth (f.94v) and who completed the copying of *Trí Biorghaoithe an Bháis*, one of the other texts in the Ms., for Fr. Giolla Pádraig Mac Murchaídh on 21 February 1681. Names written elsewhere in the Ms. and some of its contents suggest that it was transcribed in South Ulster and remained there afterwards ... The name of the priest-patron is suggestive, as a Fr. Patrick Murphy was Parish Priest of Creggan in 1704. ... Some of the lines help to identify deceased's wife with the Alice O'Donnell mentioned above ... and others refer to Arthur's son and successor [= Toirdhealbhadh] ... The verses must have been written immediately after Arthur's death and transcribed into the Ms. without delay. The Turlough mentioned

scríobhaí na lámhscríbhinne sin, agus tugann sé an 21 Feabhra 1681[2 ?] mar dháta inti áit amháin. Scríobhadh í don Ath. Giolla Phádraig Mac Murchaidh, arb ionann é, dar le hÓ Fiaich (1974: 297), agus an tAth. Patrick Murphy (*fl.*1704), S.P. an Chreagáin.<sup>601</sup> Luadh tamall maith ó shin an chóip eile, ARE 24L18 (*b*) (128), de phríomhthéacs na lámhscríbhinne seo againn, sin ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’, a bhfuil colafon léi arb ionann í—taobh amuigh de na hainmneacha agus den bhliain— agus an ceann a chuir Conchubhar le LN G1304. Ba é an tAth. **Cormac Mac Cuan** (*fl.*1720-39), sagart paróiste Chill Shléibhe, a scríobh sin don Ath. **Feidhlimidh Ruadh Ó Néill** (*fl.*1726-44), duine den seanteaghlach uasal a bhí ina scríobhaí agus a rugadh i bparóiste an Chreagáin, meastar, tuairim na bliana 1690. Ní hé sin a rá, ar ndóigh, gur cóip de LN G1304 í ARÉ 24L18 (*b*) (128), ach is féidir go léireofar lá éigin, má dhéantar scrúdú ceart ar an dá lámhscríbhinn, go mbaineann siad le líne sheachadta ar leith de chuid an tsaothair sin. Tacaíonn an pátrún a luann Conchubhar i lámhscríbhinn eile dá chuid, ARÉ 24P17(2) (1070), an tAth. Giolla Phádraig Ó Seibhléin, leis an tuairim go bhféadfadh sé gur chaith Conchubhar cuid mhaith amháthart faoin gCreagán. Níl dáta leis an dara lámhscríbhinn, as siocair cuid mhaith den aon cholafon atá inti a bheith sractha chun siúil, ach is dóigh gurb é an tAth. Patricius Sevlan,<sup>602</sup> sagart a bhí lonnaithe i gCill Shléibhe thart faoin mbliain 1670, an pátrún sin.

---

in the poem may be the ‘Terlagh O Neale Carrowrory, gent, son of Art,’ who was outlawed in 1691’ (Ó Fiaich 1974: 296-7).

<sup>601</sup> Féach nóta 600 thuas.

<sup>602</sup> Ní fhaca mé ach trí thagairt don sagart seo—sna hachainithe a chuir sagairt agus muintir Cho. Ard Mhacha agus Cho. Thír Eoghain chuig an Ard-Easpag i dtaobh na nDoiminiceach a bhí ag tógáil briste sa dá chontae sin. Scríobhadh an chuid is mó de na hachainithe, a chuir Campbell (1992) i gcló, idir na blianta 1670 agus 1671, cé nach bhfuil dátaí lena bhformhór mór. Níl againn ach cóipeanna atá ar coimeád i bpáipéir na bProinsiasach. Dhealródh sé uathu gur shínigh Patricius Sevlan (*al.* Seulan, Seulen) iad faoi thrí. Chuir sé a ainm leis an dearbhú (‘Patricius Sevlan sacerdos et presens testis’) agus leis an achainí (‘Patr: Seulan sacerdos idem testator, et presens fui’) a scríobhadh i bparóiste Chill Shléibhe; agus tugann sé air féin sa liosta sagart atá i dtosach na n-achainithe ‘Patr. Seulen sacerdos ex comitatu de Ardmagh’. Féach Campbell (1992: 191, 194, 196). Níorbh é an sagart

Is é an chéad scríobhaí eile ón gcontae sin a bhfuil fáil ar lámhscríbhinní dá chuid go fóill é **Séamus Ó Gribín** (*fl.*1696-9) a mheastar a shíolraigh ó áit éigin gar don Lorgain i dtuaisceart an chontae. Ba idir 1696 agus 1699 a scríobhadh an dá lámhscríbhinn atá againn uaidh; d’Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow (1645-1712) nó Arthur Brownlow ó Theach na Lorgan a scríobhadh ceann acu, an té a thug pátrúnacht do Phádraig Mac Oghannáin (*fl.*1685-98) sa bhliain 1685. Ón méid a dúradh cheana, b’fhéidir nach iontas é nach bhfuil an-chuid lámhscríbhinní againn ón gcontae seo; agus an méid acu a scríobhadh i ndiaidh na 17ú hAoise, ba i ndeisceart an chontae a grafadh iad uilig. Scríobh sagart agus scríobhaí bisiúil darbh ainm Cormac Mac Cuan, a bhí lonnaithe i gCill Shléibhe sa bhliain 1731, sé lámhscríbhinn (ceann acu ar seachrán) ar a laghad idir na blianta 1720 agus 1734. Scríobhadh ceann acu seo sa bhliain 1723 d’Ardghal Mag Mathghamhna, agus cé nach féidir a dhearbhuí gurbh as Co. Mhuineacháin dó, mar a thuigfí óna chéadainm agus a shloinne, bhí an lámhscríbhinn ag Bryan Mac Mahon éigin ó ‘Drumlot’ ina dhiaidh sin. I lámhscríbhinn bheag eile leis tá cóip den dán *Mór sochar na haimsire*, a scríobh Tomás Déis (*c.*1568-1652), Easpag na Mí, i lár na 17ú hAoise.<sup>603</sup> Bhíodh *locus refugii* ag coinbheint Ard Mhacha gar don Chreagán, áit ar rugadh an tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, a d’fhág lámhscríbhinn amháin againn, agus ar scríobh Cormac Mac Cuan lámhscríbhinn eile dó. Tharla lámhscríbhinn amháin le Séamus Ó Gribín, ARÉ 24L17 (127) i gnuasach na coinbheinte seo. Bhíodh an choinbheint, ar ndóigh, nasctha le coinbheint Dhún Geanainn, agus ba ann a bhí an tAth.

Feidhlimidh Ruadh lonnaithe sa bhliain 1744, an Feidhlimidh Ruadh ar ar chum Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin agus Art Mac Cumhaigh dánta molta. Tá traidisiún ann go raibh Art Mac Cumhaigh ina scríobhaí fosta, agus is dóigh le Tomás Ó Fiaich

---

paróiste é i gCill Shléibhe an uair sin, ach an tAth. James Callaghan, a luaitear taobh leis an Ath. Sevlan sna taifid.

<sup>603</sup> LPH 12095M(1). Tá an dán seo in eagar in Ó Tuathail (1953), áit a bhfuil nóta ar an údar.

(1973: 21) go gcaithfidh sé go raibh ‘Foras Feasa air Éirinn’ léite go mion aige. Bhí **Eoin Mhac Cadhaidh** (*fl.*1762-6) ina scríobhaí sa chomharsanacht sin ó 1762 go 1766, agus is eisean an scríobhaí is sine atá againn a chuir dán le hArt Mac Cumhaigh ar pháir;<sup>604</sup> tharlódh sé gurb eisean an té a bhí mór le hathair **Airt Mhic Bhionaid** (1793-1879), John Bennett (1760-1829).<sup>605</sup> Ba dhuine de na scríobhaithe Gaeilge ba thábhachtaí lena linn féin é Art Mhac Bionaid, agus d’fhág sé ina dhiaidh saothar staire, ‘Comhrac na nGael agus na nGall le Chéile’ arb é an iarracht deiridh i gCúige Uladh é saothar dúchasach léannta a chur síos ar pháipéar nó go bhfuair an Athbheochan greim ann. Bhí deartháir eile ag Art a chuaigh le ceird na lámhscríbhinní: **Michael Bennett** (1786–), a bhí beo sa bhliain 1810. Ná dearmadtar scríobhaí eile a bhí comhaimseartha leis, nó geall leis, **Tomás Ó Caoindealbháin** (*fl.*1795) ón gCreagán Dubh. Scríobh **Patrick Mihan** (*fl.*1807) beagán ábhair isteach i lámhscríbhinn Thomáis. Scríobhaí eile, is dóigh, ab ea Pádraig Mac a Liondain (*fl.*1792-1802),<sup>606</sup> an té ar ghlac Edward Bunting amhráin uaidh agus a bhí le dul síos go Féile na gCruitirí i mBéal Feirste sa bhliain 1792; dúirt Art O’Neill gur scoláire cumasach é, ‘who could read and write Irish very well’ (Ó Buachalla 1968: 22). Ba as an bhFíodh dó, áit ar bhuail Art leis. Níl a ainm le lámhscríbhinn ar bith dár tháinig slán, go bhfios dom.

Dealraíonn sé go raibh Art Mhac Bionaid agus an tAth. **Pádraig Ó Luain** (*c.*1790-1860) ag babhtáil lámhscríbhinní ar feadh breis agus cúig bliana is fiche. Chuir an

---

<sup>604</sup> CML11 (*b*).

<sup>605</sup> Deirtear go raibh aithne ag John Bennett agus ag Eoin Mhac Cadhaidh beirt ar Pheadar Ó Doirín (*ob.*1769), ach léirigh Ó Buachalla (1965: 130 *n.*14) nach féidir gur fíor sin, i gcás John Bennett (1760-1829). Féach na cuntais ar Art Mhac Bionaid, agus ar Eoin Mhac Cadhaidh i gCaib. 2.40, 2.46 thíos.

<sup>606</sup> Thuairimigh Ó Buachalla (1968: 21 *n.*11a) gur mhac é leis an bhfile Pádraig Mac a Liondain (*ob.*1733) a cheanglaítear leis an bhFíodh i gcuid de na cuntais a scríobhadh air sa 19ú hAois. Deir Nioclás Ó Cearnaigh go raibh mac ag an bhfile darbh ainm Patrick, ach thuigfí ó na dátaí, mar a d’áitigh Mag Uidhir (1977: xvi), nach féidir gur mhac leis an bhfile an cruitire seo, cé gur féidir gurbh eisean an té a bhí ag ól le hArt Mac Cumhaigh (más fíor don seanchas) an oíche a bhfuair sé bás.

tAth. Pádraig, nuair nach raibh air ach Pádraig, cuid mhaith d'fhillíocht Airt ar phársa sa bhliain 1825, agus is féidir, mura dócha, gur ghraf Art lámhscríbhinn dó sa bhliain 1852. Bhí beatha Airt Mhic Cumhaigh á phlé acu chomh mall le 1846. Tháinig deireadh le traidisiún na lámhscríbhinní i gCo. Ard Mhacha thart ar an mbliain 1860, an bhliain a bhfuair an tAth. Pádraig bás, agus ar éirigh Art, go bhfios dúinn, as an scríobh. Sa dá lámhscríbhinn a ghraf Art Mhac Bionaid d'Éamonn Augustus Mag Aonghusa idir na blianta 1859 agus 1860, tá triúr ó Cho. Ard Mhacha luaite aige mar scríobhaithe na seanleabhar ar a raibh sé ag tarraingt, Michael Brady ón \*Maigh Bhán [Moybane]<sup>607</sup> a ghraf lámhscríbhinn(í) in 1782 agus 1785; Bryan Beg McArdle ón gCreagán a scríobh leabhar eile sa bhliain 1777; agus leabhar a ghraf Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow, mar dheas, sa bhliain 1729. Fuair Airtiúr bás sa bhliain 1712, agus cé gur chuir sé spéis i gcúrsaí Gaeilge, ní heol dúinn gur ghraf sé lámhscríbhinn riamh. Níl a dhath ar bith ar eolas faoin mbeirt eile, bíodh go ndeir Art gur 'celebrated scribe' é Bryan Beg McArdle; tá roinnt amhrais caite ar na foinsí seo ag Ó hUiginn (2009), mar a luadh i gCaib. 1.4.1.1 thuas. Tá tagairtí eile againn a scríobhadh san 20ú hAois a áitíonn gur scríobhaí é Thomas Hollywood (19ú hAois), go raibh Hugh Kelly (1785-1864) in ann Gaeilge a scríobh, agus gur scoláire Gaeilge í Molly Macken (bean Rooney) ó \*Thulaigh na bhFál [Tullynavall]<sup>608</sup> a bhí beo thart faoin mbliain 1830.<sup>609</sup> Beirt scríobhaithe eile ar scriosadh formhór dár scríobh siad ach a bhfuil leabhar an duine againn uathu is ea iad **Seán Ó Néill** (*fl.*1827-44), an scoláire ab fhearr i gCúige Uladh lena linn, dar le Seán Ó Donnabháin (O'Donovan 1856a: 2424), agus **Uilliam Jordan** (*ob.c.*1863), cara le Pádraig Mhac Gatháin (*fl.*1813-44) ó Dhún gCuaile, Co. Lú.

<sup>607</sup> Níl leagan oifigiúil Gaeilge ar fáil.

<sup>608</sup> Níl leagan oifigiúil Gaeilge ar fáil, ach moltar \**Tulaigh na bhFál* [Tullynavall].

<sup>609</sup> Tagairtí do na scoláirí seo i gCaib. 1.1.3, a fuarthas in Kelly (1954).

### **1.4.2. An Dún, Aontroim**

Ba dhóigh le Breandán Ó Buachalla (1969: 8) gur cuid d'Oirialla é Co. an Dúin, agus bhí cuid de litríocht na gcontaetha sin á scaipeadh trí lámhscríbhinní i ndeisceart Cho. an Dúin. Scríobh Pádraig Ó hEithir dornán dánta le Séamus Mac Cuarta agus eile sa bhliain 1785 isteach in CT H.6.12(3) (1416), ach tá bundifríocht amháin idir Oirialla agus Co. an Dúin, go bhfuil leideanna maithe againn go raibh traidisiún liteartha ann le fada an lá, agus go raibh teaghlaigh léannta sheanbhunaithe ann. Más ea gur beag saothar atá againn uathu, tá tagairtí ann dóibh, i measc na bh*Fiants* agus páipéir stáit eile. Fuair O'Rahilly (1921-4: 109) iontu tagairtí do mhuintir Ruanadha, a raibh baint acu le cothú na filíochta, agus níos faide ó thuaidh i gCo. Aontroma, bhí muintir Eachaidhéin á mhaíomh gurbh ollúna do Chlann Aodha Buidhe iad. Ligeadh dánta le cúpla duine acu isteach i nduanaire an teaghlaigh sin, an chuid de ARÉ 24P33 (1076), ar scríobh Ruaidhrí Ó hUiginn an Tearmainn cuid mhaith di sa bhliain 1680. Chum Diarmaid Ruadh mac Laoisigh Mhic an Bhaire (*fl.*1647-89) dán amháin do Chormac Ó Néill, duine de Chlann Aodha Buidhe, *Imir do chluiche, a Chormaic* (Hughes 1987a: 66), ach caithfidh sé gurbh iad muintir Ghnínimh an teaghlach léannta ba mhó sa chontae sin. Ag deireadh na haoise sin, tháinig Edward Lhwyd ar chuid mhaith seanlámhscríbhinní i gCo. Aontroma. Pléitear cuid bheag acu thíos.

#### **1.4.2.1. An Dún**

Rinneadh plé cheana ar lámhscríbhinní Cho. an Dúin in Ó Casaide (1929) agus in Ó Duibhinn (1997), áit a ndéantar plé ar an gceangal a bhí ag an gcontae le cúrsaí léinn roimh an dara leath den 17ú hAois. Is é **Pádraig Gruamdha Ó Siadhail** (*fl.*1657-8)

an scríobhaí is sine i dtréimhse na Nua-Ghaeilge ar féidir a léiriú gurbh as an gcontae seo dó, an lia a d'fhág againn lámhscríbhinn mhór a ghráf sé dá sheise, Pádraig Óg Ó Siadhail, idir na blianta 1657 agus 1658. Ba le hUíbh Eachach a bhain Pádraig Gruamdha, cé go raibh sé ar folúint ar fud Chúige Chonnacht an uair a ghráf sé an lámhscríbhinn sin. Taispeánann nóta a chuir Pádraig Óg leis an lámhscríbhinn go raibh scríobh na Gaeilge aige.<sup>610</sup>

Thuairimigh Mac Cathmhaoil (2017: 218, 224 n.98) go raibh cuid de na lámhscríbhinní a ghráf Pádraig Mac Oghannáin (fl.1685-98),<sup>611</sup> a raibh ceangal láidir aige le Co. Mhuineacháin agus le Co. Ard Mhacha, i gCo. an Dúin tar éis a bháis. Rugadh athair Shomhairle Briosáin (1776-1853), an tOir. James Bryson in Ard Mhic Nasca thart faoin mbliain 1730, agus tá ceangal éigin ag Somhairle le lámhscríbhinní Cho. an Dúin toisc go bhfuair sé greim ar bhlúirí de na seanmóirí agus leagan den aistriúchán Gaeilge ar *De Imitatione Christi* Thomas à Kempis, *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda* (1762);<sup>612</sup> d'fhéadfadh sé go bhfuair sé iad óna dheartháir, **Aindrias Briosáin** (ob.1797), a scríobh seanmóirí Gaeilge a bhfuil ceann acu—a cuireadh le chéile i nDún Geanainn i gCo. Thír Eoghain sa bhliain 1786—istigh leis na seanmóirí Caitliceacha seo. Dhealródh sé gur rugadh Aindrias sular aistrigh a athair go Béal Feirste, áit ar rugadh a dheartháir Somhairle.

Ghráf **Pádraig Ó Brinn** (c.1743-c.1817), O.P., ó Chill Chua, an lámhscríbhinn sin MN R79 idir na blianta 1778 agus 1781, agus dealraíonn sé go raibh sé fós ag cur spéis i lámhscríbhinní Gaeilge nuair a chuir sé nóta sealbhóra leis an lámhscríbhinn seo agus le ARÉ 24P4 (92) sa bhliain 1795. Tá cúpla ceann eile de na seanmóirí

---

<sup>610</sup> Féach Caib. 1.3, colafon 75.

<sup>611</sup> Maidir le scéal na gcúig lámhscríbhinn fhada dá chuid atá ann anois, féach an cuntas air i gCaib. 1.4.3 thuas, agus an cuntas ar Phádraig Mac Oghannáin i gCaib. 2.91.

<sup>612</sup> Féach nóta 618 thíos.



Caitliceacha sin istigh leis an lámhscríbhinn seo.<sup>613</sup> Ba i \*mBaile Mhic Gríocháin [Ballymagreehan] a bhí cónaí ar **Eoin Ó Gribín** (*fl.*1798-9) nuair a chuir sé trí lámhscríbhinn de idir na blianta 1798 agus 1799. Ba as ARÉ 24P4 (92) a tógadh cuid den ábhar atá i gceann acu, LBO Ir.e.4 (*a*) (16), agus bhí an lámhscríbhinn chéanna i gCo. na Mí go luath sa chéad aois eile (Ó Cuív 2001: 34).

Bhí **Pádraig Ó hEithir** (*fl.*1785-1807) agus **Aodh Ó Néill** (*fl.*1785-1807) ag scríobh ábhar cráifeach thart faoin am céanna in Iúr Chinn Trá, agus is follas gur Chaitlicigh dhiongbháilte an bheirt acu. Níl leid dá laghad ina gcuid lámhscríbhinní go raibh siad ag cuidiú lena chéile, ná go raibh aithne acu ar a chéile, cé gurb eol dúinn go raibh teagmháil déanta ag Aodh le scoláirí Gaeilge i mBaile Átha Cliath. D'éirigh le hAodh lámhscríbhinn a ghráf Tadhg Ó Neachtain agus baill eile dá ghrúpa scríobhaithe a fháil ar iasacht ó Sheán Tancart (*al.* John Tankard) idir na blianta 1796 agus 1797. Ba bhailitheoir lámhscríbhinní é Seán Tancart a raibh cónaí air i \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane]<sup>614</sup> san ardchathair,<sup>615</sup> agus ba ó LB Eg. 127, lámhscríbhinn a ghráf Muiris Ó Gormáin (*fl.*1734-88) i mBaile Átha Cliath idir na blianta 1774 agus 1775, a chóipeáil Aodh COFLA MF9 idir na blianta 1802 agus 1803. Níorbh fhada nó go raibh Pádraig Mhac Gatháin (*fl.*1813-44) ó Dhún gCuaile, Co. Lú, ag baint úsáid aisti ina dhiaidh sin le CM L16(2) a scríobh sa bhliain 1843, agus bhí lámhscríbhinn a scríobh Aodh sa bhliain 1792, agus atá cailte, go bhfios dom, aige chomh luath leis an mbliain 1820.<sup>616</sup> Chuireadh Pádraig Ó hEithir (*fl.*1785-1807) leabhair bheaga urnaithe le chéile, agus *Parrthas an Anna* (1645) ina fhoinse aige do na trí cinn acu a tháinig slán chugainn.

---

<sup>613</sup> Tugtar MN R79a anois orthu.

<sup>614</sup> Níl leagan oifigiúil Gaeilge ar fáil, ach tugann Aodh Ó Néill ó Iúr Chinn Trá an leagan 'Sráid na bPiollaidh' i nóta a chuir sé le LB Eg. 165, f. 111b, sa bhliain 1797. Bainim úsáid as \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane] ar an ábhar sin.

<sup>615</sup> Féach Aguisín 16, áit a bhfuil cúpla nóta ar Sheán Tancart.

<sup>616</sup> Féach na cuntais ar an mbeirt scríobhaithe thíos, áit a bhfuil tagairtí cruinne do na lámhscríbhinní seo.

Ó thaobh na litríochta de, ba é an saothar Nua-Ghaeilge ba thábhachtaí a cruthaíodh i gCo. an Dúin, go bhfios dúinn, an leagan Gaeilge—*Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda*—de shaothar Thomas à Kempis, *De Imitatione Christi*, a luadh thuas,<sup>617</sup> agus tá cúpla cóip di ar fáil go fóill. Tharla go gceanglaítear an tAth. James Pulleine (*ob.c.1776*)<sup>618</sup> leis an aistriúchán seo, agus le cuid mhaith ábhar eile atá ar

<sup>617</sup> Féach an t-eolas a thugtar i nóta 618 thíos.

<sup>618</sup> Nóta fada suarach ar an Ath. James Pulleine (*ob.c.1776*), Déan Dhroim Mór ó na 1740í ar aghaidh, ach is gá a thabhairt lena mhíniú goidé an t-ábhar nach bhfuil sé tugtha agam i gCaib. 2 mar scríobhaí de chuid an cheantair. Tá cuntas maith sothuigte ar an gceist seo in Sharpe (2016: 209-11). Tugtar eolas beathaisnéise ar an Ath. James Pulleine in Kearns (1983-4).

Rinne Ó Buachalla (1983) trí roinn bhunúsacha de na téacsanna a mheastar ceangal a bheith acu leis an Ath. James Pulleine: (1) na saothair a bhfuil glacadh maith leis gur scríobh James Pulleine iad—níl ceann ar bith acu ar fáil i lámhscríbhinn a grafadh lena ré, ach an *Teagasc Críosaíde a nGoidheilg* (1748, 1782), a bhfuil cóip de in C Add. 3085 (b) (10) i láimh Mhatha Mhic Giolla, 1746-50; (2) *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda* (1762); agus (3) na seanmóirí ar cuireadh cuid acu i gcló i leabhar Uí Mhaonaigh (1965). Grúpa (1)—Is féidir dhá shaothar sa ghrúpa seo a leagan ar James Pulleine gan amhras ar bith: (a) *An Teagasc Críosaíde a nGoidheilg*, a bhfuil dhá eagrán de ar fáil dar dáta 1748 (féach Kearns (1983-4)) agus 1782; (b) *Oratio Funeris* Eoghain Uí Néill (*ob.1744*) de chuid Chlann Aodha Buidhe, aitheasc a leagtar ar ‘Rev. James Pulleine’ san aistriúchán a théann leis in LB Add. 18747, lámhscríbhinn a ghráf Pádraig Ó Loingsigh ó Loch an Oileáin, Co. an Dúin, sa bhliain 1800. Chuir Ó Buachalla (1983: 75) an dá shaothar seo—agus giotaí as saothar cráifeach eile a cuireadh i gcló sa bhliain 1753 (nach bhfuil againn ach bloghanna de: féach Ó Mórdha (1963), srl.—i ngrúpa (1), cé nach bhfuil ainm James Pulleine leis an gceann deiridh áit ar bith. Úsáidim na téarmaí<sup>SG</sup> agus<sup>SR</sup> lena thabhairt le fios cé acu is sa script ghaelach nó sa script rómhánach atá na lámhscríbhinní i ngrúpaí (2) agus (3). Tá na lámhscríbhinní uilig i ngrúpaí (2) agus (3) gan síniú.

Grúpa (2)—Is fada atá ceist údar an aistriúcháin *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda* (1762) ag cur as do scoláirí na lámhscríbhinní; tógadh an cheist den chéad uair i litir a scríobh James O’Lavery, D.D., sa bhliain 1887 (O’Shea 1895: 109-10). Tá an t-aistriúchán ar coimeád in dhá lámhscríbhinn, CM L4<sup>SR</sup> agus LPBF 43<sup>SG</sup>, a bhfuil leagan iomlán de sa dara cóip mar aon le liosta síntiúsóirí: Anthony Garvey (Easpag Dhroim Mór), Theophilus McCartan (Easpag Dhúin agus Coinnire), ‘Dominick M’Cartan [of] Clanbharachan’, Co. an Dúin; ‘John Crowley of Ballycillbeg’ [= Baile na gCeall Beag, paróiste an Dúin, Co. an Dúin]; agus ‘Terence Linch of Lochanisland’, athair an mháistir Pádraig Ó Loingsigh (*ob.1838(?)*) ón áit sin, b’fhéidir. Chuir Ó Tuathail (1915), Ó Casaide (1929: 25-6, 22-4), Ó Cuív (1954a: 252-5), Ó Mórdha (1963), agus Faulkner (1973-4), argóintí difriúla le chéile fá dtaobh den údar a cheap an saothar. Pléitear an cheist i saothair eile, m.sh. Mac Giolla Fhinnéin (1993: 99-100), Ó Duibhinn (1997: 442-3), agus Ó Doibhlin (2000: 424). Lena rá in aon abairt amháin, mheas Ó Mórdha (1963) gurbh é James Pulleine a scríobh an t-aistriúchán; tuigeadh do Faulkner (1973-4: 307-8) gur dhearmad glan d’Ó Mórdha (1963) údar (1) a aithint le húdar (2), agus d’áitigh sé gurbh ionann an té a scríobh (2) agus (3), gur autograif iad, agus gurbh é Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, is dóigh, a cheap iad. Ar an bpointe deiridh, tá sampla de pheannaireacht an Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill againn, agus ní réitíonn sí lena bhfuil sna lámhscríbhinní: bheinn ar aon tuairim le hÓ Buachalla (1983: 75 n.10) nárbh é an tAth. Feidhlimidh Ruadh a scríobh ná a cheap iad.

Grúpa (3)—Dhealródh sé gur de bharr gur cosúil go mór bunargóintí Uí Mhaonaigh (1965) i dtaobh na seanmóirí lena raibh le rá ag Faulkner (1973-4) an fáth nár éisteadh lena chuid cainte i gceart riamh. Cé gur áitigh Ó Maonaigh (1965) gur dóigh gur ghráf Proinsiasach ó Choinbheint Dhún Geanainn nó Ard Mhacha iad, scríobh sé fosta píosa eolais faoina ghair do leagan 1782 den *Teagasc Críosaíde a nGoidheilg* atá cuid de na seanmóirí, ‘... dhealródh sé gur bhunaigh an tAthair Séamas Pulleine, déan dheoise Dhroim Mór, cuid de bhrollach a theagaisc Chríostaí ar roinnt den tseanmóin dar teideal, “Air oideas agus air theagasg an Chríosaíde.”’ (Ó Maonaigh 1965: xv). Is ar an ábhar gur mheas sé gur ceapadh na seanmóirí sa chéad leath den 18ú hAois a deir sé gur sine na seanmóirí ná an *Teagasc*

coimeád i lámhscríbhinní eile, b'fhéidir nár mhiste a lua go bhfuil nóta ag Muiris Ó Gormáin ar lámhscríbhinn ina chnuasach féin, LN G361, gur thug sé tamall di dó sa bhliain 1771.<sup>619</sup> Tá cóip lámhscríofa den *Teagasc Criosdaidhe* (1748) a réitigh an tAth. James Pulleine i lámhscríbhinn a ghráf **Matha Mac Giolla** (fl.1731-50) dá mhac Eoin Mac Giolla idir na blianta 1746 agus 1750. Dhealródh sé ó na loig a luaitear sna dréachtaí de thiomnaí, srl., atá i bpeannaireacht Mhatha sa lámhscríbhinn gurbh as oirthear Cho. an Dúin dó.

Más fíor don traidisiún a thugann James O'Laverty air, ba de shliocht fada máistrí scoile é **Pádraig Ó Loingsigh** (ob.1838(?)) ó Loch an Oileáin, agus tá lámhscríbhinní a ghráf sé do Shomhairle Ó Coltran (ob.1801) ó Cho. Lú, agus do Edward Bunting (1773-1843) ar fáil anois, cé gur beag dá chnuasach príobháideach atá againn, taobh amuigh de C Add. 3083 (8). B'fhéidir nárbh éigceart cuid de na giotaí atá istigh le páipéir Shomhairle Briosáin (1776-1853) sa Leabharlann Phoiblí i mBéal Feirste a cheangal leis fosta. Ba i nDún Dealgan a ghráf Pádraig an dá lámhscríbhinn sin do Shomhairle Ó Coltran, agus ba ar lámhscríbhinní ón dúiche sin

---

*Criosdaidhe*, cé gurb eol dúinn le tríocha bliain anuas gur cuireadh leagan den saothar i gcló chomh fada siar leis an mbliain 1748 (Kearns 1983-4: 70). An sliocht atá i gceist aige, ll. 1229-73 ina shaothar, is gaire fós é dá bhfuil curtha i gcló as an *Teagasc Criosdaidhe* ag Ó Mórdha (1963: 165), ná na sleachta atá taobh leis aige ann. Is eol dúinn go raibh Pulleine eolach ar na seanmóirí, nó go raibh údar na seanmóirí eolach ar shaothar Pulleine (1782).

Tá liostaí measartha iomlán de na lámhscríbhinní ina bhfuil na seanmóirí ag Ó Buachalla (1983: 75) agus ag de Brún & Herbert (1986: 15 col. b): ARÉ 24L18 (a) (128)<sup>SG</sup>; C Add. 3085 (b) (10), f. 117<sup>SG</sup>; CM L10<sup>SG</sup>; LPBF 36 (e-f)<sup>SG, SR</sup>; MN R79a<sup>SG</sup>; OB G7, duilleoga fáin<sup>SR</sup>. Is ionann peannaireacht LBPF 43<sup>SG</sup>, lámhscríbhinn de chuid (2), agus codanna de na lámhscríbhinní thuas atá sa script ghaelach. Ní hionann an script rómhánach amach is amach i gcónaí, sa dóigh go bhfuil difríocht bheag nó dhó le haithint ar chuid den ábhar (úsáid *g* na gnáthscrípte agus *g* na clóscrípte, mar shampla). Trí na seanmóirí uilig atá in LPBF 36 (e-f)<sup>SG, SR</sup> a chur i gcomórtas lena chéile, na sleachta Laidine sa script rómhánach atá i lár na seanmóirí a grafadh sa script ghaelach, tchíonn muid nach bhfuil sa dá stíl rómhánacha ach peannaireacht duine aonair, an dá stíl ag malartú lena chéile, agus stíl amháin giota beag níos neamhfhoirmeálta ná an ceann eile. Is dóigh le hÓ Doibhlin (2000: 424) gurbh é James Pulleine a cheap na seanmóirí i ngrúpa (3): '... I am reasonably certain that they are the work of Séamus Mac Póilin, ... who died circa 1776'. Ní féidir dul níos faide leis an gceist ach a rá gur féidir go mbeifear in ann an cheist a réiteach amach anseo trí pheannaireacht na bpáipéar in iarsmalann an *Propaganda Fide* agus i bPríóireacht Naomh Vincent i dTamhlachta a luaigh Kearns (1983-4) a chur i gcomórtas lena bhfuil sna lámhscríbhinní.

<sup>619</sup> LN G361, lch ii, 'This Book is the property of Maurice Gorman, lent to the Revd. James Pulleine July 15th 1771'. Féach nóta 618 thuas.

a bhí sé ag tarraingt, ceann amháin a ghraf Pádraig Ó Pronntaigh (*fl.*1732-63) sa bhliain 1732, agus lámhscríbhinn nach ann di anois le Peadar Ó Doirnín (*ob.*1769), a cuireadh le chéile sa bhliain 1730.<sup>620</sup> Chonaic muid cheana an bhaint a bhí ag Terence Linch le *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda* (1762), ach is féidir Pádraig Ó Loingsigh a cheangal le cuid mhaith de na hiarrachtaí a rinneadh san 18ú hAois agus sa 19ú hAois i gCo. an Dúin agus i mBéal Feirste. Na comhráite a chuir sé i gcló in *Bolg an tSolair* (1795), is follas, mar a léirigh McCaughey (1967-8), gur bunaíodh codanna díobh ar na leabhair a chuir Muiris Ó Gormáin (*fl.*1734-88) le chéile san ardchathair tuairim is tríocha bliain roimhe sin—nach ábhar spéise go raibh cuid de leabhair Mhuiris ar iasacht ag Aodh Ó Néill (*fl.*1785-1807) an uair sin? Ní féidir a léiriú, áfach, go raibh aithne ag Pádraig agus ag Aodh ar a chéile, ach bhí aithne ag mórán scoláirí Preispitéireacha i gCo. an Dúin agus i mBéal Feirste ar Phádraig. Deirtear, ar ndóigh, gur tharraing scoláire Gaeilge eile ó Cho. an Dúin, an tOir. **Uilliam Mac Néill** (1774-1821) go mór ar shaothar Phádraig agus *An Introduction to the Irish Language* (1808) á chur le chéile aige. Tharla cuid mhaith lámhscríbhinní de chuid Cho. an Dúin i gcnuasach Shomhairle Briosáin, ceann acu i láimh Phádraig, agus ceann eile, C Add. 3083 (8), a bhfuil ainm a mhic, Dan Lynch, air. Rinne pátrún Airt Mhic Bhionaid (1793-1879), **Éamonn Augustus Mag Aonghusa** (c.1821-1877) ó Iúr Chinn Trá, iarracht lámhscríbhinn a chóipeáil sa bhliain 1856, ach thug sé an leabhar d'Art lena chríochnú ina dhiaidh sin. Ghraf Art cuid mhaith lámhscríbhinní dó idir na blianta 1855 agus 1860.

---

<sup>620</sup> Féach an cuntas ar Phádraig Ó Loingsigh i gCaib. 2.185 thíos, áit a bhfaighfear níos mó eolais faoin dá lámhscríbhinn seo; nó féach Ó Casaide (1929: 20), Mac Giolla Fhinnéin (1993: 111-16), mar a bhfuil cuid mhaith eolais orthu.

#### 1.4.2.2. Aontroim

Is iad an dá shloinne is mó a cheanglaítear le Co. Aontroma, i gceangal le cúrsaí filíochta, Ó hEachaidhén agus Ó Gnímh, agus iad á gcothú go príomha ag dhá theaghlach uasal ann—Mac Domhnaill, agus an chraobh sin de mhuintir Néill ar a dtugtar Clann Aodha Buidhe. Mar gheall ar *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* is mó a chuimhnítear orthu, an chuid de ARÉ 24P33 (1076) a chuir Cormac Ó Néill á scríobh sa bhliain 1680, agus ina bhfuil cuid mhaith filíochta le muintir Eachaidhén ar coimeád.

Tuigtear go forleathan, mar a deir Ó Cuív (1984: 141), gurbh iad Uí Ghnímh filí oidhreachtúla Chlann Domhnaill Aontroma, ón am ar léirigh Ó Donnchadha (1940: xxvii) agus O’Rahilly (1950: 330-1) nár cheart don tuairim choiteann a bhí i réim go dtí sin, is é sin, gurbh ollúna do Chlann Aodha Buidhe (Ó Néill) go príomha iad. Diomaite de go bhfuil roinnt dánta againn a scríobh Fear Flatha Ó Gnímh ar Énrí Ó Néill (*ob.*1638), agus cuid acu ar coimeád i *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, is le leathdhosaen filí dar shloinne Ó hEachaidhén bunáite na filíochta molta atá ann. Bhí cineál de mhearbhall ann fosta faoi shaolré na bhfilí Brian Ó Gnímh agus Fear Flatha Ó Gnímh, ní a réitíodh in Cunningham & Gillespie (1984). Ag brath ar a bhfuil tugtha i gceann de *Fiants* Éilis I dar dáta 1602—pardúin a bronnadh ar Ogneiffe, Ferflaha Ogneiffe, Bernard oge Ogneife agus eile—agus ar an dóigh a gcuirtear ainmneacha Bhriain Uí Ghnímh agus Fhear Flatha Uí Ghnímh romhainn sna lámhscríbhinní, tuairimíonn Cunningham & Gillespie (1984: 106-9) gur féidir dánta Bhriain a dhátú don 16ú hAois [1574-1608, iad siúd a bhfuil dátaí leo], agus go raibh sé ina fhile ag Clann Domhnaill ó na 1580í go dtí 1602, an bhliain a luaitear Ogneiffe sna *Fiants*, mar a dúradh thuas. An dán is sine le Fear Flatha Ó Gnímh ar

féidir dáta a chur leis, *Gearr bhur gcuairt, a Chlanna Néill*, a cumadh c.1607, pléann sé ábhar a bheadh mar ábhar dáin ag Fear Flatha cuid mhaith dá shaol, díothú na seanuaisle, mar a deir Cunningham & Gillespie (1984: 112), agus an t-athrú a bhí ag teacht ar chúrsaí saoil do na filí,

Just as Brian had censured Fearghal Óg Mac an Bhaird for breach of poetic conventions, so Fear Flatha was accused by Lughaidh Ó hEachuidhéin, who claimed to be ollamh to the Clandeboy O'Neills, of being 'file an tslúaign', implying that he had compromised the standards of classical bardic poetry. Fear Flatha was responding to the trends of the age to produce a more informal style of poetry, in a way Brian Ó Gnínmh would not have contemplated a generation earlier. Brian was a conventionally trained poet, and all his surviving poems are in traditional bardic metres. Fear Flatha, who only began to compose poetry in the early seventeenth century, was also a traditionally trained poet, and he too was concerned about decline, not just of poetic standards, but the more fundamental and more serious decline of the poetic order. In the aftermath of the flight of the earls Fear Flatha feared for his profession. It was less the widespread acceptance of the anglicisation of Ireland per se that concerned him than the fate of the learned classes themselves. ... [T]he learned classes were dependent on the patronage which had characterised the traditional order. The poet, for example, would not 'sell' his poem, but give it as a 'gift' to his patron ... By the early seventeenth century this arrangement, seen for example in Brian Ó Gnínmh's poem, 'Treise an eagla ioná an andacht' in the 1580's, could no longer be sustained.

Is fearr filleadh ar Fhear Flatha Ó Gnínmh, agus an cheist sin a fhágáil ar leataobh. Tá giotaí eile againn a thaispeánann go raibh baint ag Fear Flatha Ó Gnínmh le Clann Domhnaill: féach an ginealach a cuireadh le chéile do Ragnall Mac Domhnaill 'uicond Dúin Libhse', agus a scríobhadh am éigin sa bhliain 1618 nó ina dhiaidh sin [in 1618 is dóigh],<sup>621</sup> ginealach a bhfuil ainm Fhear Flatha leis agus a chuir Ó Cuív (1984) i gcló. Fuair Ó Cuív (1984) fosta dhá ghiota ghaolmhara sa chomhleabhar CT H.3.18 (1337), lámhscríbhinn a meastar go bhfuil codanna di le ceangal leis an 'dozen manuscripts on parchment' a cheannaigh Edward Lhwyd ó Eoin Ó Gnínmh ó

---

<sup>621</sup> LPL Carew 635, f. 198.

Latharna, Co. Aontroma, thart faoi mhí Mheán Fómhair 1699, am éigin roimh an 15 Nollaig 1699, óir deir sé i litir dar dáta sin, ‘... we met with one Eoin Agnew (i.e. Ó Gnímh) whose ancestors had been hereditary poets, for many generations, to the family of the O Neals; but the lands they held thereby being taken away from his father, he had forsaken the Muses and betaken himself to the plow: So we made an easy purchase of about a dozen manuscripts on parchment’ (Campbell 1960: 221). Is éard atá sa chéad ghiota, leagan fada de ghinealach na bliana 1618, é i láimh eile, agus an dáta 1634 leis. Tá leagan eile nach fada ó leagan CT H.3.18 (1337) i *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* lenar cuireadh an dáta 1618; an dáta cumtha, a deir Ó Cuív (1984: 141), agus áitíonn sé nach aon chomhtharlú é go bhfuil 1618 mar dháta lena bhfuil anseo. An dara giota atá in CT H.3.18 (1337), is cuid de dhán molta ar Ragnall Óg mac Raghnaill,<sup>622</sup> a cumadh 1644 (Ó Cuív 1984: 152) agus atá sa láimh chéanna agus an leagan gearr den ghinealach atá in LPL Carew 635 ar shínigh Fear Flatha Ó Gnímh í. Scríobh Mac Uibhelind, agus dealraíonn sé gurbh eisean a ghraf, litir chuig William Fitzwilliam, Giústís na hÉireann, sa bhliain 1568.<sup>623</sup> Ba é Tiarna an *Route* i gCo. Aontroma é.

Meabhraíonn Ó Baoill (2007: 78) dúinn gur ghraf Gille Chríost Mac Bheatha *Leabhar Dubh Chlann Raghnaill* i gCo. Aontroma idir na blianta 1702 agus 1715, ach is doiligh eisean a chur san áireamh mar scríobhaí de chuid an chontae, ar ndóigh; deir Ó Baoill (2007: 78) gur féidir gur dhuine muinteartha leis an file, Fearghus Mac Bheatha, a chum dán ar bhás Phádraig Mhic a Liondain (*ob.*1733), ach bhí an sloinne sin ar fáil i gCúige Uladh thart faoin am sin, agus is doiligh Fearghus a cheangal go speisialta le scríobhaí an *Leabhair Dhuibh*. Scríobh **Daniell Mac Cloye** (*fl.*1755) nó Daniell Fullerton ó Loch gCaol cnuasach de scéalta rómánsaíochta sa bhliain 1755.

<sup>622</sup> CT H.3.18 (1337), idir ff. 870, 871.

<sup>623</sup> LBO Carte 58 (2), f. 500.

Tá scéal Bhéal Feirste, na pátrúin agus scríobhaithe éagsúla a bhí lonnaithe ann pléite go mion in Ó Buachalla (1968) cheana féin, agus san iliomad saothar eile ar a lorg, Hughes (2006; 2006a) ach go háirithe, sa dóigh nach gá ach tagairt a dhéanamh do na scríobhaithe féin anseo. Dhíoladh **Pádraig de Búrca** (*fl.*1811-20) le Séamus Mac Giolla Ruaidh (*fl.*1811-20) ó Bhaile an Scothaigh, Co. Mhuineacháin, as lámhscríbhinní a chóipeáil, ach tá cúpla iarracht óna láimh féin againn in LN G199(1). Is féidir gurbh as Béal Feirste do Phádraig, ach tháinig cuid mhaith de na scoláirí Gaeilge a bhí lonnaithe ann ag tús na 19ú hAoise ó na contaetha fá gcuaird. Ní fios cá haird do Shéamus Mhac Óda (*fl.c.*1804-10), an té a ghráf roinnt ceolta do Edward Bunting (1773-1843), ach dhealródh sé go ndearna sé an chuid is mó den obair do Bunting atá againn uaidh sa tréimhse *c.*1804–1810 (Moloney 2000: 30 col. a), agus tá cuid mhaith ábhar Ultach ina chuid lámhscríbhinní. Duine eile a scríobh giota do Bunting, ach a d'fhág mórán eile againn i lámhscríbhinní gan síniú ab ea é Criostal Ó hUiginn. Is doiligh dáta a chur le rud ar bith dár scríobh sé, ach is eol dúinn gur ghráf sé píosaí don Dr Séamus Mac Domhnaill (1763-1845), duine a shíolraigh ó Chlann Domhnaill Aontroma, deirtear, an té ar ar scríobh Aodh Mhac Domhnaill [2] (*ob.*1867) mairgne. Ghráf Séamus Mac Giolla Ruaidh (*fl.*1811-20) lámhscríbhinn do Shéamus sa bhliain 1812.

Duine eile a rinne cuid mhaith oibre ar son na teanga ab ea **Somhairle Briosáin** (1776-1853), an poitigéir ar féidir gur rugadh é sa chathair féin agus a raibh traidisiún de léann na Gaeilge i measc a mhuintire, a shíolraigh ó Cho. an Dúin. Ba i mBéal Feirste a scríobh sé an t-ábhar Gaeilge atá againn uaidh, agus dealraíonn sé go mbaineann sé uilig leis an tréimhse idir na blianta 1803 agus 1811. Dúradh thuas gur féidir go raibh tionchar ag áit dhúchais a mhuintire ar na lámhscríbhinní a bhailigh sé: bhronn sé ocht gcinn mhóra acu, cuid acu ina gcomhleabhair, ar an Belfast Natural



History and Philosophical Society i dtreo dheireadh a shaoil, agus dealraíonn sé go bhfuair an bailitheoir ba mhó lámhscríbhinní i mBéal Feirste, Roibeard Mac Ádhaimh (1808-95), cnuasach maith uaidh fosta. Roibeard Mac Ádhaimh, is dó is dulta cuid mhaith den chreidiúint as an gcnuasach substaintiúil de lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt atá againn, sa dóigh gur chnuasaigh sé lámhscríbhinní, agus gur dhíol sé le scríobhaithe dúchasacha, Art Mhac Bionaid (1793-1879), Aodh Mhac Domhnaill [2] (*ob.*1867) agus Peadar Ó Gealacháin (*c.*1792-1860), leabhair eile a chóipeáil agus a bhailiú ar a shon. Meastar gur thosaigh sé a bhailiú seanleabhar thart faoin am ar cheannaigh sé baicle lámhscríbhinní ag ceant leabhar Edward O'Reilly (1765-1830) i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1830, agus tá gar do chéad lámhscríbhinn óna leabharlann againn, gan trácht ar na cinn a scriosadh agus a goideadh tar éis a bháis.

#### **1.4.3. Bréifne: An Cabhán, Fear Manach, Liatroim**

Tuigtear go forleathan anois, mar gheall ar an réamhrá a chuir Ó Buachalla (1969) lena eagrán de dhánta Chathail Bhuidhe Mhic Giolla Ghunna, go raibh difríocht bhunúsach idir lámhscríbhinní Oirialla agus Bhréifne, is é sin, gur chuimsigh Bréifne ‘[c]eantar mór léinn ... is bhí dlúthbhaint ag cuid de phríomhtheaghlaigh na dúiche—muintir Mhig Uidhir, muintir Mhig Shamhradháin, muintir Raghallaigh, go háirithe—le saothrú is le cothú na litríochta is an léinn sna meánaoiseanna’ (1975: 21-2), ceantar liteartha inar leanadh de chóipeáil lámhscríbhinní isteach i dtréimhse na Nua-Ghaeilge, ach sa dóigh gurbh ar éigean a athraíodh bunchuspóir lucht a dtiomsaithe: ábhar léannta a sholáthar don drong léannta den chuid ba mhó. Ba í an dúil a bhí acu i gcaomhnú an tseanléinn a spreag Brian Mag Uidhir ón Tulaigh Mhaoil le scríobhaithe—a ollamh féin, Giolla Phádraig (*al.* Pádraig Ballach) Ó

Luinín (*fl.* 1631-54) ina measc—lámhscríbhinní tiubha léannta Gaeilge, a chur le chéile; agus tchíonn muid Brian Mhag Uidhir eile, ochtó bliain ina dhiaidh sin, ag díol le cúigear scríobhaithe ar a laghad ábhar cráifeach, filíocht agus ábhar stairiúil a chóipeáil dó ar scáth na seanphátrún. I measc na dteaghlach léannta a cheanglófaí le Bréifne, tá, de réir Uí Bhuachalla (1969: 23): Ó Raghallaigh, Mag Uidhir, Mag Shamhradháin, cinnte; iad sin agus muintir Mhic Pharthaláin is muintir Ruairc.

Éiríodh as an gcineál sin oibre tar éis na chéad cheathrún den 18ú hAois, nuair a chuaigh Séamus Bacach Mhag Uidhir a lorg pátrún eile, agus is beag ábhar dáiríre atá againn ó Bhréifne don 18ú hAois seachas na saothair a chuir Brian Mhag Uidhir á gcóipeáil. Tar éis na tréimhse seo, tagann díothú mór ar dhéanamh na lámhscríbhinní i ndiaidh *c.* 1730, tharla gurbh ar éigean a bhí duine ann a bhí in ann díol as lámhscríbhinní traidisiúnta, agus tharlódh sé gur ghann go leor lucht a léite fosta, mar gheall ar an ábhar a bhí sna cinn a bhí ar fáil go fóill. An bheirt scríobhaithe dúchasacha a tháinig ar an bhfód i gCo. Fhear Manach i ndiaidh Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir, Peadar Mhag Uidhir agus Toirdhealbhach Mhag Uidhir, tá lorg láidir an choimeádachais ar a gcuid oibre, agus téann an seantraidisiún as ag deireadh na 18ú hAoise go hiomlán, mura gcuirtear Seán Ó Cléirigh agus John T. O’Clery san áireamh. Tagann ina dhiaidh sin an ‘dara’ traidisiún de chuid Bhréifne: dornán lámhscríbhinní<sup>624</sup> a chuir scríobhaithe neamhghairimiúla, ar cosúla iad le scríobhaithe Oiriaila, le chéile idir na blianta 1809 agus 1842. Is as Co. Liatroma—paróiste Ros Inbhir ach go háirithe—agus as an gcuid sin de Cho. an Chabháin atá ar an teorainn le Co. na Mí don chuid is mó acu.

---

<sup>624</sup> Eisceacht amháin is ea COBÁC M24, cóip de lámhscríbhinn le Séamus Bacach Mhag Uidhir a ghráf Mícheál Mhac an Bhaird agus Pádraig Mhac an Bhaird idir na blianta 1825 agus 1826.

Más ea gurbh as Co. an Chabháin dó nó nárbh ea, bhí Eoghan Ó Dubhthaigh ag ceapadh dánta cráifeacha in ógláchas canúna, mar a thugann Mhág Craith (1980: 170-1) air, is é sin, cineál d'ógláchas ina ndéantar comhardadh idir focail de réir mar a fhuaimnítear iad i gcanúint an chumadóra. D'éirigh le Mhág Craith (1980: 175-6) ceann de na dánta seo, *Léig do do chomórtas (choimeas) dúinn*, a dhátú don bhliain 1578 mar gheall ar fhaisnéis inmheánach. Ar mhaithe leis an gcreideamh a scaipeadh a cumadh na píosaí seo, ach ba ar an múnla sin a bhí gach file beagnach ag cumadh corradh agus céad bliain ina dhiaidh sin, agus murab ionann agus a lucht comhaimsire a lean de na múnlaí traidisiúnta—leithéidí Éamoinn Uí Chaiside agus Dhiarmada Ruaidh mhic Laoisigh Mhic an Bhaird a rinne amhlaidh in aimsir Chath Eachdhroma, fiú—bhí filíocht Eoghain Uí Dhubhthaigh á cóipeáil níos mó ná 200 bliain tar éis a bháis in Oiriaila, agus gach áit eile in Éirinn ar leanadh de scríobh na Gaeilge, toisc go raibh sí intuigthe don lucht éisteachta nó léite. Mar gheall ar a shaibhre atá lámhscríbhinní Bhréifne ó thaobh ábhair, srl., agus a liacht acu atá ann ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche agus roimhe sin, ní chuirim romham sna leathanaigh seo ach scagadh an-bhunúsach a dhéanamh ar na lámhscríbhinní a grafadh sna trí chontae: Co. an Chabháin, Co. Fhear Manach, agus Co. Liatroma, idir na blianta 1650 agus 1900.

#### **1.4.3.1. An Cabhán**

Giotáí beaga Gaeilge a cuireadh le nótaí léachta **Shéamuis Mhic Shíomóin** (*fl.*1670-4) is ea iad na chéad phíosaí Gaeilge atá againn do thréimhse na Nua-Ghaeilge sa chomharsanacht seo, is dóigh. Bhí Séamus ina mhac-chléireach thall sa Róimh, agus cé nach bhfuil ach cúpla dánfhocal agus abairt fáin againn uaidh, is fiú é a áireamh mar scríobhaí, ós rud é go raibh sé in ann an teanga a scríobh go measartha maith,

agus go bhfuil fiúntas éigin san ábhar a d'fhág sé againn. Tá cuid mhaith breacadaíola den chineál sin i gcuid de na lámhscríbhinní meamraim a bhí fós á mbabhtáil i gCo. an Chabháin ag an am sin: féach go bhfuil cuntas ag de Brún (1969)—a thacair le chéile cuid mhaith eolais faoi scríobhaithe Bhréifne—ar na nótaí a scríobhadh (i mBéarla go príomha) in ÓR 15. Sampla eile de seo is ea an rann a scríobh **Cathal Mhac Gabhann** in ARÉ 24P27 (4), lámhscríbhinn luachmhar a grafadh idir an 16ú hAois agus an 17ú hAois, agus a bhí seal ag an Oll. Pól Ó Briain (c.1761-1820) ó Cho. na Mí. I gCrois ar Loch Uachtarach a bhí cónaí ar Chathal an uair sin, agus tá cuid mhaith sínithe eile sa lámhscríbhinn. Ní féidir neamart a dhéanamh de gurbh as Drong, Co. an Chabháin, a thug **Seán Ó Cléirigh** (c.1774-1846) leis go Baile Átha Cliath na lámhscríbhinní a leagtar mar ghnás ar Chú Choigcríche Ó Cléirigh (*ob.c.*1664), cé go léiríonn an taighde a rinne Breatnach (2013) agus eile le déanaí go dtarlódh bunús a bheith leis an tuairim sin. Lean Seán Ó Cléirigh agus a mhac **John T. O'Clery** (c.1823-1849) orthu ag cóipeáil lámhscríbhinní i mBaile Átha Cliath, cóipeanna de ARÉ 23D17 (790), ceann de na leabhair a thug siad chuig an ardchathair, ina measc. Ní dóigh gur chuir siad mórán spéise sa nualitríocht.

I Leargain Chloinne Cobhthaigh a bhí **Donnchadh Mac Gafraidh** (*fl.*1682) suite nuair a chuir sé ARÉ 3B27 (762) i gcrích sa bhliain 1682. Bhí an file, **Tomás Ó Cléirigh** (c.1641-1730(?)), a chuir cóip de dhán dá chumadh féin le *Duanaire Uí Raghallaigh* sa bhliain 1703,<sup>625</sup> ina shagart paróiste i gCill Anna le fada an lá; déantar tagairt dó a bheith ann sna blianta 1675 agus 1715. Duine eile a bhfuil sloinne aige atá ceangailte go láidir leis an léann sa taobh sin tíre ab é **Séamus Bacach Mhag Uidhir** (*fl.*1712-46); ba i nDúbaile a bhí cónaí air a fhad is a bhí sé ag

---

<sup>625</sup> C Add. 3082 (7). Féach Carney (1950), áit a bhfuil eagrán iomlán de.

cóipeáil lámhscríbhinní do Bhrian Mhag Uidhir, ach tá sé chomh maith againn trácht air faoi Cho. Fhear Manach thíos. Mar gheall ar chúrsaí staire, bheifí ag déanamh amach gurbh as Co. an Chabháin don chuid is mó de na scríobhaithe dar shloinne Ó Raghallaigh (Ó Buachalla 1975: 24), ach de na scríobhaithe de chuid an Tuaiscirt a raibh an sloinne sin acu, ní féidir ach duine amháin acu a shuíomh ann, **Domhnall Ó Raghallaigh** (*ob.*1719), a ghráf lámhscríbhinn sa bhliain 1704, cé gur dóigh gurbh as an gcontae céanna do chuid de na scríobhaithe eile dar shloinne sin. Tharlódh sé gurbh as an gcontae sin do **Thoirdealbhadh Ó Raghallaigh** (*fl.c.*1684) fosta, mar aon leis an mbeirt eile a raibh lámh acu san aon lámhscríbhinn de chuid Thoirdealbhaigh a tháinig slán, CT H.5.9 (1381), .i. **Phillip Ó Raghallaigh** agus **Seán Ó Raghallaigh**; agus tá dealramh air, dar le Dillon (2013: 32), gurbh ann a bhí **Eoghan Ó Raghallaigh** (*fl.*1701-10) ag scríobh. Tá, gan amhras, claonadh i dtreo an tseanábhair léannta le brath ar a gcuid leabhar.

I Srath Domhain a bhí cónaí ar an bhfile cáiliúil, **Fiachra Mhac Bhrádaigh** (*fl.*1722-55), agus tá cóip de lámhscríbhinn a ghráf sé sa bhliain 1722 againn, mar aon le giotáí óna láimh a chuir sé chuig Muiris Ó Gormáin (*fl.*1734-88) sa bhliain 1755. Bíonn a chuid dánta ar fáil i lámhscríbhinní a grafadh chomh fada siar le Co. Liatroma, agus chomh fada soir le Co. Lú, murab ionann agus saothair fhilí Oiriaila. Ba dhóigh le hÓ Mórdha (1958: 280) gurbh as Co. an Chabháin do scríobhaí CCM A, Toirdhealbhadh Mhac Con Rubha (*fl.*1732), ach is dóigh gur ag brath go mór ar shloinne an scríobhaí a bhí sé, agus is doiligh faisnéis eile a fháil a thacódh leis sin.

Maidir le deireadh na 18ú hAoise, bhí i measc na lámhscríbhinní Gaeilge in Ollscoil na Banríona dhá ghiota den lámhscríbhinn chéanna a ghráf **Philip Ó Caiside** (*c.*1759–) idir na blianta 1777 agus 1778; chuir seisean agus a athair (?) **Proinsias Ó Caiside** (*fl.c.*1759-95) téacsanna le LB Add. 40766, lámhscríbhinn a cuireadh le

chéile ag deireadh na 17ú hAoise ina bhfuil cuid mhaith dánta grádha, agus cúpla leid inti go raibh baint aici le muintir Mhig Uidhir Fhear Manach. Idir na blianta 1784 agus 1785 a cuireadh na dánta breise léi. D’fhan sí i gnuasach leabhar mhuintir Chaiside go dtí gur díoladh sa bhliain 1838 í. Dhealródh sé go raibh cuid d’fhilíocht Éamoinn Uí Chaiside (*fl.*1676-1704), ar shin-seanuncail le Philip Ó Caiside é, measaim, ar eolas ag Philip, nó curtha ar pháipéar ag duine dá mhuintir, óir is dóigh gurbh é Philip a thug do Pheadar Ó Gealacháin (*c.*1792-1860) cuid de na dánta le hÉamonn atá in LN G809 aige. Cé gur chaith Peadar a shaol bunús uilig i gCo. na Mí, is féidir gur rugadh é i gCo. an Chabháin: ba as an áit sin do mhuintir a athar agus a mháthar. Sa chuid íochtarach den chontae, tá tagairt againn, mar a dúradh cheana, do lámhscríbhinn a ghráf Pádraig Ó Ceogáin (*fl.*1787-91) ó Bhéal Átha hÉis idir na blianta 1787 agus 1791. Scríobhaí eile ar cailleadh a chuid saothar ab ea é John O’Farrelly (*fl.*1721) ón Mullach: is eol dúinn gur scríobh sé saothar staire dar theideal ‘Seanchas an Dá Bhréifne’, agus gur chum sé roinnt filíochta.<sup>626</sup> Is beag atá againn don dara leath den 18ú hAois—féach, mar shampla, na breiseanna a chuir **Séamus Mag Shamhradháin** (*fl.*1799) le foclóir Shaw (1780) mar léiriú ar na giotaí fáin atá againn do na blianta sin. Is féidir gurbh as Co. an Chabháin d’**Éamonn Mhac Gabhann** (*fl.*1772), an té a chuir rann leis an leabhar comhshuite ARÉ 23A10 (960), toisc go raibh an chuid di a bhí idir lámha aige á léamh ag daoine eile ó Cho. an Chabháin sa 19ú hAois. Ina measc siúd tá Proinsias Ó Briain (*fl.*1840) ó Chill Anna, agus **Pádraig Ó Faircheallaigh** (*c.*1795-1867) a bhí ina scríobhaí.

Sa 19ú hAois, scríobhadh cúpla lámhscríbhinn in oirthear Cho. an Chabháin, gar don teorainn le Co. na Mí. Is fada ó noirm ortagrafaíochta na Gaeilge Clasaicí litriú na lámhscríbhinní seo, agus taispeánann an easpa leanúnachais sa litriú gur cosúil gurb

---

<sup>626</sup> Féach Caib. 1.1.3 thuas.

é aineolas in ortagrafaíocht na teanga ab údar leis sin.<sup>627</sup> Tharlódh sé gur cosúla na lámhscríbhinní sin leis na cinn a bhí á gcur le chéile in Oiriaila faoin am sin. Féach, mar shampla, SPB 1, lámhscríbhinn leis an bPádraig Ó Faircheallaigh (c.1795-1867) a luadh thuas, scológ ó Raifeanaigh; agus LJR Ir. 83, a scríobh **Pádraig Mhac Bhrádaigh** (fl.1816-34) ón nGreallach, agus **Doiminic Ó Dubhda** (fl.1816-17), scríobhaí cumasach go leor, idir na blianta 1816 agus 1817. Tharla go bhfuil tagairt do Choill an Chollaigh sa chomhleabhar SPB 2, is dóigh gur scríobhadh sa chontae seo í, agus tá **James Carroll** (fl.1813), scológ eile, más fíor, i measc na scoláirí a ghráf í. Duine eile ó Cho. an Chabháin, is dóigh, ab ea é **Pádraig Mhac Gabhann** (fl.1809-52) ó \*Dhaingean an Mhantaigh [Dinginavanty],<sup>628</sup> arb ionann é, b'fhéidir, agus an máistir scoile a d'iompaigh ina Phrotastúnach agus a bhí ag cur faoi i gCnoc Bhríde sa bhliain 1852. Tá sampla amháin, ar a laghad, de dhán nach bhfeicfí de ghnáth lasmuigh d'Oiriaila, 'Úirchill an Chreagáin', in LJR Ir. 83. Más fíor nach féidir teacht ar eolas ar bith i dtaobh mórán scríobhaithe a bheith gníomhach i gCo. an Chabháin i ndiaidh na bliana 1820, ba i \*nDún gCoimín [Dungummin], gar do Dhroichead Uí Dhálaigh, a bhí cónaí ar an scríobhaí deiridh de chuid an Tuaiscirt,

<sup>627</sup> Is fearr cuid de na scríobhaithe ná a chéile, ar ndóigh. Féach an sliocht gearr seo as SPB 2, lch 12, a scríobhadh sa chéad cheathrú den 19ú hAois,

Thig chugad[h ?] [? = chucu] ar bhad bronsharsin sliosfhada malle le hochtar do spalpainidh morg[h]reamach fad-dheochach morc[h]odhlatach beagfhuoghinteach do thogha na paraisde ar laimh clidh mic na sgoiloige. Naisgis ar an sgoiloig 7 ar mhuintir fhanmhuin aig purt an c[h]uan no go dtigidies féin ar a n-ais on Easbug.

Thig linn an méid sin a chur i gcomórtas leis an gcuid chéanna den saothar mar a chuir Duffy (1965: 330, 332) in eagar é as lámhscríbhinn le Risteard Tuibear. Níl leagan Risteaird Tuibear saor ó locht, ach léiríonn sé go maith an riocht ina raibh ortagrafaíocht na Gaeilge tuairim is céad bliain sular scríobhadh an méid thuas isteach in SPB 2,

Agus ansin thig chugtha bád bronnfharsaing slis-fhada bréid-shuathannta agus lingid ann, imorro, an dithreabhach agus mac na sgoilóige maille le hochtar do spailpínibh lán-spallpanta mór-ghreamannacha fad-dheochacha amhnáireacha amhránach mór-chodaltacha beag-fhoighinteacha bromurrusacha teith-bheaduigh na porráiste ar a láimh chlí le mac na sgoilóige agus naisgid ar an sgoilóig agus ar a mhuintir fuirreach isan gcuan nó go dtigidís féin tar an ais da n-ionnsaidh agus do níd amhlaidh sin.

An sampla is measa atá feicthe agam go dtí seo i lámhscríbhinn a scríobhadh in oirthear Cho. an Chabháin sa chéad cheathrú den 19ú hAois, is é sin an chóip de *Triúr atá ag brath ar mo bhás* atá in LJR Ir. 83, rud atá i gcló agam thuas i gCaib. 1.2.4.2.

<sup>628</sup> Níl leagan deimhnithe den logainm ar fáil, ach is cosúil gurb é seo an leagan ceart. Féach nóta 1489, áit a bhfaighfear eolas breise.

**Séamus Mac Giolla Chomhghaill** (c.1836-1917), a bhí fós ag grafadh giotaí Gaeilge suas go dtí 1900, cé gur beag dár scríobh sé a tháinig anuas chugainn.

#### **1.4.3.2. Fear Manach**

Luadh cheana gur scríobhadh LB Add. 40766 i gCo. Fhear Manach sa dara leath den 18ú hAois, ach tá samplaí eile de lámhscríbhinní ón tréimhse sin ar féidir scríobhaithe a lua leo. Bhí Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín (*fl.*1631-54) (thugtaí idir Giolla Phádraig agus Pádraig Ballach air) fós ag scríobh sa bhliain 1654, ach tá an lámhscríbhinn sin cailte le fada anois.<sup>629</sup> Tá plé an-mhaith ar thábhacht mhuintir Luinín i gcothú an léinn i gCo. Fhear Manach in Simms (1998), áit a ríomhtar an beagán de shaothar **Shéarlais Uí Luinín** (*fl.*1708-38) atá againn, an tOll. Charles Lynegar a ceapadh le Gaeilge a theagasc i gColáiste na Tríonóide tuairim na bliana 1708. Duine eile den teaghlach sin a raibh baint mhór aige le cúrsaí lámhscríbhinní ab ea **Labhrás Ó hArann** (*fl.*1777-1809(?)) ó Cho. Fhear Manach, mac le Tomás Ó hArann agus Siúdhan Ní Luinín. Is dóigh gurbh iníon leis an scríobhaí Conchubhar Ó Luinín (*fl.*1676-1712) í Siudhán, ach ní ceist dúinn, cibé rud é, gurbh é an Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín a luadh thuas a sinseanathair. Ina measc tá **Maghnus Mac Amhlaóibh** (*fl.*1658), a scríobh LB Eg. 189 sa bhliain 1658 don Ath. Pádraig Ó Droma, Biocáire Ginearálta na Cille Móire, an té a chuir a ainm le hachainí Phroinsiasach sa bhliain 1665. Ghraf **Cú Chonnacht Mag Aodha [1]** (*fl.*1664-5) lámhscríbhinn dá dheartháir Éamonn Mag Aodha i nDroim Saileach, Co. Fhear Manach, idir na blianta 1664 agus 1665. Is féidir gurbh as Co. Fhear Manach don scríobhaí **Feidhlime Mhag Uidhir** (c.1641–) a ghráf seanmóir a thug an tAth.

---

<sup>629</sup> Féach Caib. 2, nótaí 1933, 3055.



Tomás Ó Droma (c.1658–), S.P. Chill Náile.<sup>630</sup> Ar an 16 Eanáir 1698 a scríobh Feidhlime Mhag Uidhir é ina lámh mhaith chleachtaithe, ach níl againn de anois ach na focail deiridh agus colafon Fheidhlime.

Thug Brian Mhag Uidhir ó Chnoc Ninne cúigear scríobhaithe chuige ar a laghad lena fheachtas cóipeála a chur i gcrích, Séamus Bacach Mhag Uidhir (*fl.*1712-46) ón Dúbaile, Co. an Chabháin; Eoghan Ó Raghallaigh (*fl.*1701-10); **Seon Mag Shamhradháin** (*fl.*1715-18); Énrí Ó Caiside (*fl.*1657-1703); agus **Toirdhealbhadh Ó Dobhailin** (*fl.*1718). Is féidir gurbh as Co. Fhear Manach do Sheon agus do Thoirdealbhadh. Ba é Eoghan Ó Raghallaigh an chéad duine a ghráf lámhscríbhinn do Bhrian Mhag Uidhir, go bhfios dúinn, idir na blianta 1701 agus 170<sup>1</sup>/<sub>2</sub>; agus bhí Énrí Ó Caiside, a bhí ina lia agus ina scríobhaí go dtí sin, ina scríobhaí do Bhrian Mhag Uidhir sa bhliain 1703. Naoi mbliana ina dhiaidh sin, bhí Séamus Bacach Mhag Uidhir tar éis tosú ar phrós a chóipeáil dó; bhí sé ar an Dúbaile sa bhliain 1713 nuair a chóipeáil sé lámhscríbhinn a bhí idir lámha ag **Toirdhealbhadh Mhag Uidhir** (*fl.*1749-98) idir na blianta 1789 agus 1798. Bhí Seon Mag Shamhradháin (*al.* John Magauran) ag cóipeáil do Bhrian chomh mall leis an mbliain 1718, ach fágadh an obair ba mhó faoi Shéamus Bacach Mhag Uidhir agus Toirdhealbhadh Ó Dobhailin—an cnuasach mór dánta, ginealach agus eile ar a dtugtar **ARÉ C.vi.1** (936). Bhí Séamus Bacach ag cóipeáil do Bhrian idir na blianta 1712 agus 1721; agus tchíonn muid é ag scríobh LN G167 d’Aodh Ó Domhnaill (*ob.*1754) ó Cho. Liatroma sa bhliain 1727. D’imigh sé leis go Co. Shligigh dhá bhliain ina dhiaidh sin.

---

<sup>630</sup> Tugann O’Connell (1937: 473) an t-eolas seo ina thaobh, agus sin bunaithe ar *Liosta Cláraithe* na bliana 1704, ‘Parish of Kinawley.—Rev. Thomas O’Drom, aged 46, and living at Caldragh. He was ordained on June 7th, 1683, at Cregan, by Bishop Thady Keogh of Clonfert. No sureties entered’. Bhí sé ina bheatha go fóill an 13 Lúnasa 1710, an lá ar shínigh sé, agus seachtar sagart eile, litir chuig Aodh Mag Mathghamhna, Easpag Chlochair. Tugann Traynor (1971: 201), an té a d’aimsigh an tagairt sin, an nóta seo air, ‘The fifth signature is that of Thomas Drum, Perpetual Vicar of Kinawley. He died some time between 1710 and 1714 when John Drum is mentioned by Sheriff Archdale as P.P. in “Kinaulty.”’ Ní féidir liom cur leis seo.

An Toirdhealbhach Mhag Uidhir (*fl.*1749-98) a ndearnadh tagairt dó thuas, bhí sé tosaithe ar lámhscríbhinní a ghráfadh faoin mbliain 1749, agus bhí deartháir leis, **Peadar Mhag Uidhir** (*fl.*1755), ina scríobhaí fosta. Tá sampla amháin de shaothar Pheadair againn, a cóipeáladh sa bhliain 1755, ach lean Toirdhealbhach air go dtí an bhliain 1798. Ba i ngar d’Inis Ceithleann i gCo. Fhear Manach a bhí cónaí air an uair sin. Ní fios arbh é Seon Mag Uidhir (*fl.*1756) ó choinbheint Ghabhla, Co. Fhear Manach, a scríobh cuid de na ginealaigh atá in LB Add. 40766. Bhí an seanleabhar sin aige thart faoin mbliain 1756. Shocraigh Síomón Ó Macaoín (*ob.*1836) in Achadh Lon thart faoin mbliain 1782, ach ó tharla nárbh as an gcontae sin dó, ní féidir é a áireamh anseo.

#### **1.4.3.3. Liatroim**

I Muintir Chionnaoith, Co. Liatroma, a bhí **Conchubhar Ó Luínín [2]** (*fl.*1693-1710) suite sa bhliain 1693 nuair a bhí cóip de ‘Smaointe Beatha Chríost’ á scríobh aige. Ní fios cá raibh cónaí ar **Bhearnard Ó Cuirnín** (*fl.*1712-13), ach is eol dúinn gur ghráf sé an t-aon lámhscríbhinn atá againn a bhfuil a ainm léi do shagart ó Cho. Liatroma, an tAth. Aodh Ó Canainn (*fl.*1712-14), idir na blianta 1712 agus 1713. Chuir Proinsias Mac Artáin a ainm leis an lámhscríbhinn i lár na 18ú hAoise, agus bhí sí ag Proinsias Ó Ruairc (*fl.*1808) ó Ghort na gCamdharach sa bhliain 1808.

Dealraíonn sé nár grafadh lámhscríbhinní sa dara leath den 18ú hAois, ach tháinig borradh beag faoina gcóipeáil arís i bparóiste Ros Inbhir ón mbliain 1822 ar aghaidh, an bhliain ar thosaigh **Mícheál Mhac an Bhaire** (*fl.*1822-56) a scríobh Gaeilge, mar a deir sé féin linn,<sup>631</sup> agus **Pádraig Mhac an Bhaire** (*fl.*1823-8) ag cuidiú leis. Sa pharóiste céanna ag an am sin, bhí **Séamus Ó Ficheallaigh** (*fl.*1823-8) ag cóipeáil

---

<sup>631</sup> COBÁC M24. Féach Caib. 1.3.1 thíos.

lámhscríbhíne as ar bhain **Brian Ó Ruairc** (*fl.*1841-2) cuid mhaith d'ábhar COC T<sup>137</sup> (37) idir na blianta 1841 agus 1842. Ní haon iontas é, mar sin, cosúlachtaí ollmhóra a bheith le sonrú idir an t-ábhar a bhí á scríobh ag an gceathrar acu. Beirt scríobhaithe eile de chuid an chontae sin a bhí suas thart faoin am sin ab ea iad **Pádraig Ó Domhnaigh** (*fl.*1821) ón nGléib, agus **Eoin Cruig** (*fl.*1820-1). Ba mháistir de chuid an *Irish Society* é Eoin Cruig.

#### **1.4.4. Tuaisceart Laighean: An Iarmhí, An Longfort**

Cuid de Thuaisceart Laighean iad an dá chontae seo, agus tá siad áirithe mar chuid de thraidisiún an Tuaiscirt ag Flower, *B.M. Cat.*, ii, 49-50, agus ag Ó Baoill (2007: 77). Is beag ábhar atá againn uathu, ach bhí cuid d'fhillíocht nua-aimseartha an Tuaiscirt á scaipeadh trí lámhscríbhinní ann. Rinneadh trácht cheana ar lámhscríbhinní Cho. na hIarmhí mar chuid den mhórtábhachtas a rinneadh ar litríocht Ghaeilge an chontae in Ó Fágáin (1985), agus tá cuntas ag Ní Mhunghaile (2010*b*) ar an mbeagán lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge atá againn dár scríobhadh i gCo. an Longfoirt.

Is féidir cuid de na deacrachtaí a bhaineann le háit scríofa lámhscríbhíne a mheas sna cuntais éagsúla a scríobhadh ar LBO Rawl. B485 (29), a cheanglaítear le cúpla áit i dTuaisceart Laighean—Oileán na Naomh, mar shampla. Tá tátal ar na hargóintí a bhaineann leis an gceist seo in Ó Cuív (2001: 116-17). Is doiligh mórán de na seanteaghlaigh uaisle a cheangal leis an léann i dTuaisceart Laighean roimh an 16ú hAois, ach déantar plé ar chúpla lámhscríbhinn a grafadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche thíos; is beag baint atá acu leis an mbeagán lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge atá againn dár scríobhadh sa dá chontae. Tá leideanna againn gur lean cúpla seandúine orthu ag cóipeáil agus ag léamh lámhscríbhinní suas go dtí deireadh

na 1830í sa dá chontae, nuair a bhí an teanga ar an dé deiridh mar theanga labhartha i gcuid mhaith áiteacha iontu.

#### **1.4.4.1. An Iarmhí**

Is í an lámhscríbhinn is tábhachtaí a tháinig anuas chugainn ó thaobh chothú na filíochta de i gCo. na hIarmhí agus a scríobhadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche an *Duanaire Nuinseannach*, cnuasach de 49 ndán a ghráf scríobhaí anaithnid ar mheamram—cuid díobh, nó an t-iomlán, b'fhéidir—sa bhliain 1577. LN G992 atá ar an lámhscríbhinn faoi láthair. Tá plé ar an gcineál ábhair atá inti in Ó Macháin (2012a), a thaispeánann go bhfuil cuid de thréithe an díolama le haithint uirthi, sa dóigh gur cnuasach de dhánta cráifeacha le muintir Chobhthaigh agus de dhánta ilghnéitheacha eile í den chuid is mó. Níl sa duanaire ceart ach trí dhán ar mhuintir Nuinseann a cheap Muircheartach Ó Cobhthaigh sa 16ú hAois—mairgne ar Ghearóid Nuinseann (*ob.*1565),<sup>632</sup> deartháir le Risteard Nuinseann (*c.*1523-1559), an 8ú Barún Dealbhna; dán ar Chríostóir Nuinseann (*c.*1544-1602),<sup>633</sup> an mac ba shine a bhí ag an Risteard céanna, agus an 9ú Barún Dealbhna; cumadh an tríú dán ar Uilliam Nuinseann (*c.*1550-1625),<sup>634</sup> deartháir le Críostóir. Dán eile a bhaineann leis an teaghlach seo, agus nach bhfuil sa duanaire, is ea an marbhna a ceapadh ar bhás athair Uilliam, Risteard Nuinseann (*c.*1523-1559),<sup>635</sup> ar ar Pádraig Ó Macháin (2012a: 131) an nóta seo,

---

<sup>632</sup> *Mairg as dáileamh don digh bhróin*, LN G992, f. 33v. Cóip in ARÉ 23D14 (1), lch 67.

Muircheartach Ó Cobhthaigh a cheap é, agus an dá dhán eile. Ní féidir a bheith cinnte gur scríobhadh na dánta seo in LN G992 sa bhliain 1577, ach tá siad i lámh an phríomhscríobhaí.

<sup>633</sup> *Geall re hiarlachd ainm barúin*, LN G992, ff. 35v-36v. Cóip de in ARÉ 23D14 (1), lch 72.

<sup>634</sup> *Do ní clú áit oighreachda*, LN G992, ff. 34v-35v. Cóip den dán in ARÉ 23D14 (1), lch 69.

<sup>635</sup> Cuireadh an mhairgne ar Risteard Nuinseann, an 8ú Barún, a fuair bás an 10 Nollaig 1559, *Brónach goill Bhanbha*, in eagar in Ó Tuathail (1940b: 8-11), mar a bhfaighfear nótaí ar a bheatha (Ó Tuathail 1940b: 4-6). Tá an dán seo in CT H.5.28 (1399), a grafadh sa bhliain 1679, agus in LN G137, srl.

An *ógláchas* poem, akin to Ossianic tradition in its free style and expressiveness ... which shows that Christopher's and William's relationship with poets and learning was a continuation of ancestral ways.

Tá againn dhá dhán eile a cumadh ar dhaoine darbh ainm Risteard Nuinseann, ceann a scríobh file Muimhneach, Domhnall Ó hEichthiarainn, san 18ú hAois;<sup>636</sup> agus cóip gharbh de pháosa ar cineál de mharbhna é ar Risteard éigin a bhí ina Bharúin Dealbhna agus 'do niodh eolas do s[h]luagh Gall', i lámhscríbhinn de chuid an Tuaiscirt,

<A b[h]ratic[h]> Daimhliag na cCros,  
ceol sight[h]e re clos do c[h]aint:  
< ... > a ttosach do sgel  
ce tusa fen no ce hainm?<sup>637</sup>

Duine ar leith is ea Uilliam Nuinseann (c.1550-1625) mac Risteard Nuinseann sa dóigh sin, ós é an t-aon duine de na Nuinseannaigh ar féidir a léiriú ina thaobh go raibh páirt ghníomhach aige i gcumadh na filíochta. Mar Uilliam Mac an Bharúin is mó atá aithne air sna leabhair atá againn. Deir Ó Macháin (2012a: 127) sa phlé a rinne sé ar bheatha Uilliam<sup>638</sup> gurb eol dúinn gur chum sé dánta i mBéarla, ach níl againn aon phioc dá shaothair Bhéarla anois, murab ionann agus na sé dhán Ghaeilge a chum sé ar ábhair éagsúla.<sup>639</sup> Faightear iad i lámhscríbhinní a grafadh chomh fada

---

<sup>636</sup> Féach Ó Cróinín (1990).

<sup>637</sup> CT H.4.10 (1351), lgh 2-3. Tá an chéad dá fhocal cailte sa lámhscríbhinn, ach tugadh iad mar atá siad sa dúnadh ar lch 3.

<sup>638</sup> Tá cuid mhaith nótaí ar bheatha Uilliam i leabhair eile, leabhair staire ach go háirithe, mar aon le gearrchuntas air in *Beath*. 1560-1781, 97 col. b – 98 col. a.

<sup>639</sup> Is féidir liosta gearr de na dánta a thabhairt,

(a) *Dursan cuimhne an chompánaigh*—in eagar ag Ó Tuathail (1940b: 11-12) as ARÉ C.vi.1(2) (936);

(b) *Dorcha an líse ar Loch Éirne*—in eagar ag Ó Tuathail (1940b: 12-13) as an lámhscríbhinn chéanna;

(c) *Diombáidh triall ó thulchaibh Fáil*—in eagar ag Walsh (1933: 3-11), a thuairimigh gurbh é Gearóid Nuinseann (mac le Criostóir Nuinseann) a scríobh í; nóta ina aghaidh sin ag Ó Tuathail (1940b: 13-14); faoi athchló le nótaí breise, agus tagairtí d'eagraín eile, in Murphy (1948-52: 11-13) as lámhscríbhinní éagsúla;

ó dheas le Co. an Chláir sa 17ú hAois, chomh fada ó thuaidh le Co. Fhear Manach san 18ú hAois, agus tá cóipeanna de dhán amháin i lámhscríbhinní a grafadh sa 19ú hAois.<sup>640</sup> Is mór idir aistí na ndánta seo, agus a dhlúithe a chloítear le rialacha an dána dhírigh iontu, agus tuairimíonn Ó Macháin (2012a: 127; 2017: 40) gur féidir cuid acu a cheangal leis an gcúpla bliain a chaith Uilliam ina mhac léinn in Oxford—áit a ndeachaigh sé sa bhliain 1571 in aois a 21 bhliain—agus go mbaineann dánta eile leis na blianta i ndiaidh dá mhac bás a fháil. Is dóigh gur leor lenár sásamh gurbh é Uilliam a thug faoi deara an duanaire a chur le chéile an nóta atá ann i lámh nach ionann í agus peannaireacht an scríobhaí, ‘Ag so Duanaire Uilliam Meic an Bharon on Rose’.<sup>641</sup> Dhealródh sé go raibh sé tuairim is 27 mbliana d’aois nuair a tosaíodh ar a scríobh. Bhí an duanaire ag ‘Eduard Nuindhsaondh Anno Domini 1654/65’.<sup>642</sup> Is é an léamh a dhéantar air seo, de ghnáth, nach raibh Éadbhard ach 11 bhliain d’aois nuair a scríobh sé an nóta sin sa bhliain 1665.<sup>643</sup> Rinneadh an duanaire a athchóipeáil [? do phátrún anaithnid] am éigin roimh an mbliain 1673.<sup>644</sup> Ba dheartháir le hUilliam an Criostóir a scríobh (nó ar scríobhadh ar a shon) an bunleabhar le ‘C

(d) *Fada in éagmais Inse Fáil*—in eagar ag Murphy (1948-52: 13-15);

(e) *A bhé mhála*—in eagar ag Ó Macháin (2017: 42-6) as LBO F. 2.34 Linc. (45);

(f) *Ná maoidh a shaoghail do shéan*—in Ó Macháin (2017: 47-9) as an lámhscríbhinn chéanna, a ghráf John Brody [ó Cho. an Chláir] sa bhliain 1640. Dhá chóip eile in CT H.5.11 (1383), lámhscríbhinn a ghráf Domhnall Ó Raghallaigh i gCo. an Chabháin sa bhliain 1704.

<sup>640</sup> Ba dhearmad d’Ó Tuathail (1940b: 14) a rá gur grafadh ARÉ 23C28 (393) i gCo. Aontroma; féach an plé ar Shéamus Niocláis i gCaib. 2.111.

<sup>641</sup> LN G992, f. 22v.

<sup>642</sup> LN G992, f. 33v.

<sup>643</sup> Féach Ó Mórdha (2004: 78). Aithníonn Ó Fágáin (1985: 152-3) Eduard Nuindhsaondh le hEdward mac Richard mac James mac Uilliam Nuinseann (.i. Uilliam mac an Bharúin); deir Ó Fágáin (1985: 152) gurb é mac an 13ú Barúin é an tUilliam seo—áit a ndeirfí, de réir an mhodha áirimh atá in úsáid ag Ó Macháin (2012a), gurbh é mac an 8ú Barúin é Uilliam mac an Bharúin. Is éard is ábhar leis seo, nach bhfuiltear cinnte faoi bhunús an teidil seo, agus go mbíonn dhá mhodh in úsáid. Fágann sin go dtugtar an 9ú Barún Dealbhna nó an 14ú Barún ar Chríostóir (c.1544-1602), deartháir Uilliam mhic an Bharúin.

<sup>644</sup> In ARÉ 23D14 (1); féach Ó Macháin (2012a: 140 n.20). Murchadh ——— ab ainm don scríobhaí, féach ARÉ 23D14 (1), lch 64. Cheangail T. F. O’Rahilly an lámhscríbhinn le leabhar a bhfuair Muiris Ó Gormáin iasacht de ó Dick Plunkett agus a bhí ina chnuasach aige sa bhliain 1772, *R.I.A. Cat.*, 1, ach féach Sharpe (2013: 116), áit a léirítear nach éasca a dhéanamh amach goidé an fáth ar cheangail O’Rahilly an lámhscríbhinn seo leis an nóta atá ag Muiris ina chatalóg dar dáta 1772, LN G664. Féach nóta 2868 i dtaobh chatalóga Mhuiris Uí Ghormáin.

Deluin' a rinneadh ar fhoréileamh Éilis I.<sup>645</sup> Is féidir go ndearnadh an obair tar éis d'Éilis I dul chuig Ollscoil Cambridge sa bhliain 1654, áit a raibh Criostóir ina mhac léinn idir na blianta 1653 agus 1655. Scríobh Breathnach (1932*b*: 77) gur féidir gurbh iníon leis an gCriostóir seo Mairsill inghean Criosdora nó Margery (nach bhfuil tagairt di sa *Peerage*), arbh í bean Chonnla Mhig Eochagáin (*ob.*1588) í, an tríú bean a bhí aige, b'fhéidir. Ba é Connla sin-seanathair an scoláire Ghaeilge Conall Mhag Eochagáin (*fl.*1597-1644). Is é áit a bhfuair Breathnach (1932*b*: 77) an tagairt sin do Mhairsill inghean Criosdora an Conradh a shínigh Mag Eochagáin agus an Sionnach, Conradh nach fios dúinn cá bhfuil sé ón uair a scríobhadh cuntas uirthi sa bhliain 1846. Léirigh Breathnach (1932*b*: 75-7) gur scríobhadh é ar an 22 Lúnasa 1566 nó ar an 22 Lúnasa 1586. Níl trácht ar a hainm ina iomláine ach áit amháin i bh*Fiants* Éilis I, áit a dtugtar Margery Nugent uirthi, agus a ndeirtear gurb í bean Chonnla í. Más fíor gur iníon í le Criostóir Nuinseann (*c.*1544-1602), mar a tuigeadh do Bhreathnach (1932: 77), ní féidir gur sin-seanmháthair le Conall Mhag Eochagáin (*fl.*1597-1644) í, óir caithfidh sé go raibh bearna mhór aoise idir í agus a fear céile, Connla, agus fágann sin gur scríobhadh an Conradh ar an 22 Lúnasa 1586. Sula dtuga muid aghaidh ar shaothair Chonnla, is fiú tagairt a dhéanamh do dhuine eile a luaitear sa chonradh—Séamus Ó Cionga, mac le Cairbre Ó Cionga, a chuir a ainm leis mar fhinné (O'Rahilly 1921-4: 89 *n.*3). Is dóigh gur dhuine eile den teaghlach léannta sin an *rymor* Ruaidhrí Ó Cionga (Rory O Knygy) a luaitear i bh*Fiant* dar dáta an 23 Feabhra 1573, arb ionann é, b'fhéidir, agus an 'Rory O Kenga', duine de lucht leanúna 'Brassell Sheannaghe, alias Foxe, chief of his nation'. Tugtar an tagairt sin i b*pardún* dar dáta 1 Aibreán 1559 i bh*Fiants* Éilis I (O'Rahilly 1921-4: 89).

Cuireann Breathnach (1932*b*: 77) leo Muircheartach Ó Cionga, finné eile leis an

---

<sup>645</sup> Tugtar nótaí ar Chriostóir Nuinseann agus a bhunleabhar in Ó Macháin (2012*a*). I dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath, atá an lámhscríbhinn, agus is doiligh a bheith cinnte gurbh eisean a ghraf í, nó gur cóip ghlan dá shaothar í lenar chuir sé a shíniú sular thug sé d'Éilis í.

gconradh. Shínigh sé í ar thaobh Chonnla Mhig Eochagáin, agus tráchtar air mar ollamh ar Chinéal Fhiachach (gabháltas mhuintir Mhig Eochagáin) agus ar Mhuintir Thadhgáin (gabháltas Uí Chatharnaigh .i. Fox). Is dóigh le Breathnach (1932b: 77) gurbh é an duine céanna é agus an té a scríobh conradh do Onóra Nig Eochagáin i mí Dheireadh Fómhair 1570. Rannaire eile a luaitear sna *Fiants* is ea é ‘Donogh O Fylan ..., rimer’, ó Dhún Uabhair, Co. na hIarmhí, ar tugadh pardún dó ar an 7 Bealtaine 1601, agus luaigh O’Rahilly (1921-4: 94) go bhfuil dán le Donnchadh Ó Fialáin éigin sa *Leabhar Branach*, duanaire a bhaineann le Co. Chill Mhantáin.

Taobh leis an ábhar seo, tá deascán tagairtí sna lámhscríbhinní do scríobhaithe agus do phátrúin a mbeadh claonadh againn, ar bhonn a n-ainmneacha, iad a cheangal leis an dúiche seo. Bíonn ó am go chéile faisnéis eile sna lámhscríbhinní, nó leideanna beaga, a chuidíonn linn san obair seo, ach is dóigh gur minice nach mbíonn, agus níor mhiste a bheith ar ár n-aire agus na lámhscríbhinní sin á láimhseáil againn, mar a dúradh thuas agus lámhscríbhinní Cho. na Mí á bplé againn i gCaib. 1.4.1.2. Is féidir gur leid gur chaith an lámhscríbhinn dhátheangach LBO Rawl. B505 (36) roinnt ama i gCo. na hIarmhí nó sa chomharsanacht sin, go bhfuil i measc na nótaí agus na ngiotaí a cuireadh léi sa 16ú hAois dán Laidine ar an aithrí, mar aon le leagan Gaeilge de, *Acht mar uisge d’éis a leata*. Ba é Donnchadh Ó Cobhthaigh a chum an dá cheann acu sa bhliain 1584, más fíor don cholafon atá curtha leo.<sup>646</sup> Bhí Ó Cróinín (1984), an té a chuir na dánta i gcló, sásta glacadh leis gurbh é Donnchadh Ó Cobhthaigh a ghráf sa lámhscríbhinn iad, ach is doiligh é a cheangal go díreach leis an gcontae seo.<sup>647</sup> Níl dán le duine darbh ainm sin sa *Duanaire Nuinseannach*. Déanfar plé ar na nótaí eile atá in LBO Rawl. B505 (36) faoi Cho. an Longfoirt thíos,

---

<sup>646</sup> LBO Rawl. B505 (36), f. 89v.

<sup>647</sup> Thuairimigh sé fosta gurb ionann é agus an ‘Donogh m’ Teig O’Coffie of Ballenkennaght’ a luaitear i gceann de na *Fiants* a tugadh an 8 Márta 1569 (Ó Cróinín 1984: 170). Féach go bhfuil pláta den dá dhán in Ó Cróinín (1984: 172).



ach b'fhiú a chur síos go raibh sí i gCo. na hIarmhí sa bhliain 1641, mar a fheicfear sa phlé ar Chonall Mhag Eochagáin (*fl.*1597-1644) thíos. Bhí LBO Rawl. B512 (38), nó cuid di, i gCo. na hIarmhí sa bhliain 1731.<sup>648</sup>

Lámhscríbhinn spéisiúil eile is ea í an cnuasach d'ábhar leighis ar a dtugtar ARÉ 23N17 (996) faoi láthair. Lámhscríbhinn chomhshuite atá inti, agus leideanna againn gur grafadh an chéad dá chuid di ar an teorainn idir Co. na hIarmhí agus Co. Ros Comáin sa 16ú hAois. Ba é Conchubhar Óg Mac Maoil Tuile a ghráf an chéad chuid i gCarraig an Eide, agus an dáta 2 Lúnasa 1582 aige áit amháin.<sup>649</sup> Ligeann sé aithne a eiseamláire dúinn—lámhscríbhinn a ghráf Eoghan Ó Fearghusa éigin. Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn amach anseo an de mhuintir Fhearghusa Ros Inbhir é Eoghan, teaghlach a raibh an-bhaint le cúrsaí leighis acu, ó tharla gur uathu a shíolraigh an Dr Seán Ó Fearghusa (*ob.c.*1761) a bhí ina lia i Sr. Jervis i mBaile Átha Cliath, agus ina bhailitheoir lámhscríbhinní.<sup>650</sup> An dara cuid den lámhscríbhinn, níl ainm scríobhaí léi, ach is eol dúinn gur grafadh codanna di thart faoin mbliain 1567 i mBaile an Airséaraigh, agus tagraíonn ceann de na colafoin inti go díreach do Shéamus Ó Faoláin éigin.<sup>651</sup> Is féidir go bhfuil Baile an Airséaraigh le haithint le *Archerstown* Cho. na hIarmhí, agus deir an scríobhaí áit eile go raibh sé ag scríobh 'a mBél Atha *Lúain* an *Chalaidh* ... ar b[h]ruach na *Sinan*'.<sup>652</sup> Mheas Ó Maonaigh (1944: xxvi) gur ghráf Seán Ó Duinnshléibhe CT E.3.29 (1434) i bhFoghair i gCo. na hIarmhí sa 16ú hAois, ach tá an t-eolas a cheanglaíonn an log sin leis an lámhscríbhinn ag brath ar nóta a scríobhadh i gcatalóg iarshealbhóra—an Déan

---

<sup>648</sup> Nóta in LBO Rawl. B512(1) (38), f. 47b; i gcló in Ó Cuív (2001: 237).

<sup>649</sup> ARÉ 23N17 (996), lch 52; i gcló san *R.I.A. Cat.*, 2838, áit a bhfuair mé an tagairt sin.

<sup>650</sup> Féach nóta 2790.

<sup>651</sup> Tá na colafoin i gcló san *R.I.A. Cat.*, 2839-43.

<sup>652</sup> ARÉ 23N17 (996), lch 125; i gcló san *R.I.A. Cat.*, 2842.

Lyons—san 18ú hAois;<sup>653</sup> is dóigh gur leor mar léiriú ar chruinneas an eolais sin gur áitigh an Déan Lyons san áit chéanna gur grafadh an lámhscríbhinn sa bhliain 1041. Is ag smaoineamh ar an ionad eaglasta a bhí i mBaile Foghair a bhí an Déan Lyons, gan amhras, ach ba cheart dó gur ghráf Seán Ó Duinnshléibhe (no Johan: O Dunslevy, mar a thugann Lyons air) an lámhscríbhinn, agus go ndearna sé sin do ‘Eoghan .h. Maolcluiche’,<sup>654</sup> imeartas ar Eoghan Ó [? Mac] Maoil Tuile, is dóigh, *T.C.D. Cat.*, 309. Choinnigh muintir Mhic Maoil Tuile greim ar an lámhscríbhinn ar feadh tamaill, cibé rud é, óir chuir Domhnall Mac Maoil Tuile éigin dán léi, agus tá nóta iontach spéisiúil ag duine eile dá phór, ‘Ag so leab[h]air Matha Mhic Maoltule 7 Moilochloin Riab[h]aigh, [a] athar, 7 Thomas, [a] athar rim[he]’.<sup>655</sup>

Duine de na scoláirí Gaeilge ba mhó le rá de chuid na 17ú hAoise ab ea Conall Mhag Eochagáin (*fl.* 1597-1644), cé gur beag dá shaothar atá againn. Meabhraíonn scéal Chonaill dúinn an tionchar casta a bhí ag athruithe polaitiúla i ndeireadh na 16ú hAoise agus na 17ú hAoise ar an léann in Éirinn, agus tá an méid seo curtha ar pháipéar ag Breathnach (1932*b*: 81) faoi Chonall,

It is a well-known fact that the aristocracy of Ireland eschewed literary attainments. The great majority of them were, as Standish O’Grady said, “no pensmen.” The arts of composition, writing, poetry, and so on, were left to minor gentry, who in their own way were, of course, very important people, but only small alongside the great territorial magnates. Now, here we find, within less than fifty years after the death of an illiterate chieftain, his great-grandson not only an adept in his own Gaelic, and the ways of committing it to writing, but sufficiently acquainted with the English language to be able to make a very fine and a very valuable translation. The original on which Conall Mageoghegan worked is lost. Hence all the more to be prized is his

---

<sup>653</sup> Fuair Gwynn, *T.C.D. Cat.*, 308-9, an nóta seo i gcatalóg Lyons, iarshealbhóir na lámhscríbhinne, ‘Scripti per Johan: O Donslevy in usum Audoeni O’Maolcluiche et Fraternitatis ejus Abbatiae de Foure in Com. Westmid. A.D. 1041’.

<sup>654</sup> Deirtear ar f. 47v i bpeannaireacht an scríobhaí, ‘Seán h. Duinnshleibhe’, gur grafadh an lámhscríbhinn ‘deoghan .h. maolcluiche’, *T.C.D. Cat.*, 309.

<sup>655</sup> Tá an dán ar f. 47v, agus scríobhadh nóta Mhatha ar f. 48v, taobh le breacadaíl eile, *T.C.D. Cat.*, 309.

version. It is difficult to account for the anomaly described except in this way: when the great interests of the landed Irish classes were smashed by the penetration of the English, the exclusiveness which kept learning in a few families broke down, and the natural attraction of all Irish men to their forbears seized Conall Mageoghegan, who by descent should have been a great landed noble, and nothing else. It is noticeable that in the literary way his uncle Ross, Bishop of Kildare, was also a not unremarkable man.

Cuid den scéal, déarmaí, ach is dóigh gur chuir cuid de na huaisle spéis i gcúrsaí léinn de réir mar a chaill siad an chumhacht shaolta agus pholaitiúla a bhí ag a sinisir. Tchíonn muid, ón am sin ar aghaidh, cuid mhaith d’ainmneacha na seanuaisle ag teacht anuas sna lámhscríbhinní mar fhilí agus mar phátrúin, taobh le sloinnte eile nach raibh baint ar bith acu leis an léann go dtí sin. Bhí borradh faoin litríocht sa dara ceathrú den 17ú hAois i Lios Maighne, áit a raibh Conall Mhag Eochagáin (*fl.*1597-1644)<sup>656</sup> socraithe, an té a d’aistrigh *Annála Chluain Mhic Nóis* go Béarla sa bhliain 1627. Ba mhac le Niall (*ob.*1596) mac Rosa (*ob.*1580) Mhig Eochagáin é. Ba i dteach Chonaill féin a chuir Pól Ó Colla le chéile sa bhliain 1644 lámhscríbhinn ina raibh cóip de *Seanchas Ríogh Éireann 7 Geinealaighe na Naomh nÉireannach* (1630), an chéad mhórshaothar de chuid na gCeithre Máistrí, ní a cuireadh le chéile i gConbheint Átha Luain i dtreo dheireadh na bliana 1630.<sup>657</sup> Thug Conall teistiméireacht dóibh ar an 4 Samhain 1630.<sup>658</sup> Chuir sé nóta le lámhscríbhinn amháin den dá lámhscríbhinn dá chnuasach atá againn go fóill sa bhliain chéanna. Tugtar LB Add. 30512 uirthi, seanleabhar meamraim a grafadh idir an 15ú agus an 16ú hAois, agus is ann a fhaigheann muid cuid mhaith eolais faoi mhuintir Chonaill. I ‘gCoillmhaoileide’ a bhí sé agus é ag scríobh nóta eile leis an lámhscríbhinn an 24 Lúnasa 1631, ach dhealródh sé nárbh fhada a sheal ann, má bhí cónaí air ann riamh.

---

<sup>656</sup> Is ar an ábhar go bhfuair a athair, Niall Mag Eochagáin, bás sa bhliain 1596, a deirim gur tháinig Conall ar an saol sa bhliain 1597 ar a dhéanaí, ach is dóigh gur rugadh é i bhfad roimhe sin.

<sup>657</sup> Tá autograf den saothar in COBÁC A16.

<sup>658</sup> Ní atá istigh le COBÁC A16.

Tugann nóta fada eile a ghraf sé sa bhliain 1635 cuntas mion ar chith clochshneachta a tharla sa dúiche, agus tá cóip de i lámhscríbhinn le Risteard Tuibear, ARÉ 23D1 (501). An bhliain ina dhiaidh sin, shínigh sé dearbhú le cur le h*Annála na gCeithre Máistrí*, ar an 11 Deireadh Fómhair 1636, áit ar thug sé le fios gur léigh sé ‘móran do phrimleabhraibh Ereann ...’<sup>659</sup> agus tagraíonn sé fosta, mar a léirigh Flower, *B.M. Cat.*, ii, 473, don lámhscríbhinn sin LB Add. 30512. Bhí LBO Rawl. B505 (36), lámhscríbhinn a chaith seal i gCo. an Longfoirt ag deireadh na 16ú hAoise, idir lámha ag Conall ar an 1 Aibreán 1641.<sup>660</sup> Is dóigh le O’Sullivan (1985-6) go léiríonn seo go raibh ceangal éigin idir Conall agus an chéad sealbhóir eile ar an lámhscríbhinn, James Ware.

Rinneadh cóip Phóil Uí Cholla, O.F.M., de shaothar úd na gCeithre Máistrí, an *Seanchas* thuas, idir an 3 Meán Fómhair 1644 agus an 25 Meán Fómhair 1644; ní fios cá fhad a mhair Conall tar éis an dáta sin. Ní bheadh clú ar Phóil, is dóigh,<sup>661</sup> murab é gur chóipeáil Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear a chuid oibre, agus, ar lorg na beirte sin, Muiris Ó Gormáin, san 18ú hAois.<sup>662</sup> Toisc gur ghraf Risteard cóip de lámhscríbhinn Phóil Uí Cholla dó féin, agus gur ghraf Seon cóip do Thadhg Ó Neachtain,<sup>663</sup> téann sé le céill go bhféadfadh sé gur le Seon lámhscríbhinn an Ath. Pól an uair sin. Bhí LB Add. 30512 idir lámha ag an Ath. Peadar Mhag Eochagáin (mac Airt mhic Connla) sa bhliain 1670, *B.M. Cat.*, ii, 473. Sa bhliain 1659, thiomsaigh Tuileagna Ó Maoil Chonaire tráchtas gramadaí don Ath. Pádraig Tirial,

---

<sup>659</sup> Tá an dearbhú sin in BR 5100-4.

<sup>660</sup> Chuir sé a ainm agus an 1 Aibreán 1641 mar dháta le LBO Rawl. B505 (36), f. 144, agus tá a ainm ar LBO Rawl. B505 (36), f. 160v. Féach Ó Cuív (2001: 209-10, 213).

<sup>661</sup> Tá lámhscríbhinn amháin eile againn a ghraf sé i gCill Tiobrad sa bhliain 1644, BNP Fonds Celt. 66. Cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ atá inti, ach níor scríobhadh cuntas catalóige go fóill uirthi.

<sup>662</sup> Rinneadh cuid mhaith cóipeanna de lámhscríbhinn na bliana 1644: ARÉ 23D9 (148), lgh 1-235, a scríobh Risteard sa bhliain 1714; agus ARÉ 23A40 (150), lgh 45-330, a chuir Seon Mhac Solaidh i gcrích do Thadhg Ó Neachtain an 4 Samhain 1713. Ghraf Muiris Ó Gormáin CT H.4.6-7 (1348) am éigin sna 1760í, don Dr Francis Stoughton Sullivan (O’Sullivan 1976: 248).

<sup>663</sup> Féach nóta 662 thuas i dtaobh chóip Sheoin Mhic Sholaidh, agus féach gur chuir Risteard ábhar eile le ARE 23D9 (148) sa bhliain 1728.

O.F.M., ó Cho. na hIarmhí;<sup>664</sup> ba in Madrid a rinne Tuileagna a chuid oibre.<sup>665</sup>

Tháinig an tseanchóip seo, CT D.4.35 (1431), agus roinnt ábhair ó na *Rudimenta Grammaticae Hibernicae* ar lámh scríobhaí de chuid Cho. na hIarmhí, **Aodh Ó Cobhthaigh** (*fl.*1710), agus ghráf sé a chóip phearsanta de na tráchtas seo sa bhliain 1710. De réir an cholafoin atá sa leabhar sin, OÉG H37, ba as Baile Risteaird dó agus tá cóipeanna eile de na graiméir seo i lámhscríbhinní eile a chuir baill de scoil Thaidhg Uí Neachtain le chéile (Mac Aogáin 1968: xxi-xxii). Áirítear Aodh sa dán sin a chum Tadhg Ó Neachtain ar scríobhaithe Gaeilge Bhaile Átha Cliath, *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn*, a cumadh am éigin idir 1726 agus 1729, deirtear, ach ní féidir a thaispeáint go raibh Aodh ina bheatha faoin am sin. Taobh lenar scríobh Aodh inti, tá meascán d'ábhar cráifeach in OÉG H37 ar scríobh Labhrach Mac Cdhmill (*c.*1698–) an chuid is mó de in 1714, ach is doiligh eisean a cheangal leis an gcontae, ó tharla go bhféadfadh sé go ndearnadh an obair sin san ardchathair. Ní féidir a dhéanamh amach goidé an bhaint a bhí ag Aodh le filí an *Duanaire Nuinseannaigh*, má bhí baint fhollasach aige leo ar chor ar bith, agus tá muid dall aineolach ar scéal a bheatha taobh amuigh de na tagairtí seo.

An lámhscríbhinn a ghráf **Séamus Ó Gabhagáin** thart faoi thús na 18ú hAoise sa Díseart i gCo. na hIarmhí, bhí sí tar éis Baile Átha Cliath a bhaint amach faoin mbliain 1745, nuair a bhí sí i seilbh Sheáin Mhic an tSaoir. Cé gurb eol dúinn gur chaith an lámhscríbhinn seal i gcnuasach Philib Mhic Bhrádaigh (*fl.*1737), scríobhaí a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1737—agus gur dóigh go raibh lámhscríbhinn Shéamuis aige san ardchathair, óir dhíol Jacobus Brady éigin le Seán Mac an tSaoir í—ní féidir liom a thaispeáint gur scríobhadh do Philib í, mar a

---

<sup>664</sup> Rinneadh Easpag Chlochair de ina dhiaidh sin, agus, faoi dheoidh, Easpag na Mí.

<sup>665</sup> Ní scríobhaí de chuid an cheantair é Tuileagna Ó Maoil Chonaire, ar ndóigh, agus bhí sé ag tarraingt, meastar, ar shaothar a thionscain Tadhg Óg Ó hUiginn. Féach an t-eolas a thugtar i dtaobh an tsaothair in Mac Aogáin (1968: xiii-xix).

tuigeadh d'Ó Baoill (2007: 83). An t-aon nóta a cheanglaíonn Pilib leis an lámhscríbhinn, is i bpeannaireacht Philib atá sé, agus tugann an scríobhaí, Séamus Ó Gabhagáin 'maighistir an leabhair' air féin áit amháin. Ar an ábhar sin, is dóigh gur tharla CT H.5.13 (1385) i gcnuasach Philib ar dhóigh eile, ach léiríonn sí gur féidir go raibh ceangal éigin aige leis an gcontae sin. Deir Pilib linn, mar a chonaic muid i gcolafon a priontáladh thuas,<sup>666</sup> gur ghraf sé cuid dá lámhscríbhinn, CT N.5.12 (3397), as seanleabhar meamraim a bhí ag an Dr Lúcas Ó Maoil Tuile, sloinne a bhfuil ceangal láidir aige leis an gcontae sin. Tharraing cúpla duine, agus Ó Fágáin (1985: 102-4) ar an duine is déanaí acu, aird ar an gcolafon atá in ARÉ 23I4 (1198) a thugann le fios go raibh cineál scoile éigin i bparóiste Thigh Munna i gCo. na hIarmhí,

[154] *Arna sgríobhadh le Uilliam Ó Fearghaoile an deicheadh la fithchiod don mhí Iuli an bhlíaghain d'Aois an Tighearna míle, 7 seacht gcéad ar 25 a gCoilaiste Mhuiris I Fearghaoile a tTobarchuill a bpuraiste Thumonn i [g]Connde Mhuilleann Ghearr.*<sup>667</sup>

Tuairimíonn Ó Fágáin gur cliarscoil a bhí ann, agus dhealródh gur féidir sin, tharla go raibh an **Muiris Ó Fearghail** (*ob.*1771) a luadh ann ina cholaistíneach in Alcalá sa bhliain 1735, áit ar ghraf sé, dealraíonn sé, lámhscríbhinn sa bhliain sin. Níl sé soiléir gur scríobh sé lámhscríbhinní idir sin agus 1744, an chéad uair a thagraítear dó a bheith ina shagart paróiste i gCo. an Longfoirt, áit a bhfuair sé bás. Níl a dhath ar bith ar eolas againn faoi **Uilliam Ó Fearghail** (*fl.*1725-35), taobh amuigh dá bhfuil ráite sa cholafon thuas, ach ba scríobhaí maith praiticiúil é. Bhí **Peadar Ó Ruadháin** (*fl.*1755-76) suite áit éigin gar do Hyde Park i gCo. na hIarmhí sa bhliain 1755 nuair a thosaigh sé a theagasc Gaeilge do Richard Levinge (Ó Fágáin 1985:

---

<sup>666</sup> I gCaib. 1.2.2.3, colafon 53.

<sup>667</sup> ARÉ 23I4 (1198), lch 115.

105), agus tá lámhscríbhinn amháin dá chuid ar fáil, ARÉ 23A32 (786) a bhí i gcnuasach Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh (*fl.*1806-44) ó Cho. na Mí i lár na 19ú hAois. Sula bhfuair Peadar Dubh greim uirthi, bhí sí ag Patrick Daily éigin ó Chill Liúcainne.<sup>668</sup> Dála Richard Levinge, léiríonn litir a fuarthas i gcóip d'fhoclóir Uí Bheaglaioich san aois seo caite go raibh sé fós ag foghlaim na teanga an bhliain ina dhiaidh sin. Ba é Tomás Ó Miadhacháin a scríobh an litir chuige an 8 Bealtaine 1756,<sup>669</sup> agus más aon leid dúinn na giotáí eile ina lámh atá istigh leis an bhfoclóir, is follas go raibh Risteard ag foghlaim Gaeilge ó Thomás an uair sin. Ní fios cá haird dó go díreach, ach gur dóigh gur bhain sé leis an dúiche chéanna. Is féidir gurbh as ceann de na háiteacha darbh ainm Cill Phádraig atá i gCo. na hIarmhí do Thomás Ó hEothasaigh (*fl.*1769-70) a bhí ag scríobh COC T<sup>1</sup>66 (66) idir na blianta 1769 agus 1770, agus bhí lámhscríbhinn a ghraf Lúcas Ó Dubhthaigh,<sup>670</sup> nach fios dom cár bh as dó, sa bhliain 1717 i seilbh an Ath. Peter Dinnin ó Chill Bhigsigh sa bhliain 1771. Caithfidh sé go raibh lámhscríbhinní ar fáil i gCo. na hIarmhí sa chéad leath den 19ú hAois. Bhí LN G228, lámhscríbhinn a ghraf an tAth. Eoin Ó Muirreadh i gCill Fhallúin i gCo. na Mí, á léamh ag Thomas Reynolds ó Reynella, i gCo. na hIarmhí sa bhliain 1817; bhí an lámhscríbhinn i gCo. na Mí athuair i gcnuasach John Galligan sa bhliain 1840.<sup>671</sup> Le linn dó a bheith ag obair ar logainmneacha a shocrú don tSuirbhéireacht Ordanáis sa bhliain 1837, casadh ar Thomas O'Conor beirt a raibh lámhscríbhinní Gaeilge acu: Maurice Fox ó Currinstown, i bparóiste Chill

---

<sup>668</sup> ARÉ 23A32 (786), lch 108.

<sup>669</sup> I gcló in *Breathnach* (1940*b*: 210) agus in Ó Fágáin (1985: 105). Féach nóta 63 i dtaobh an scríobhaí. Tugtar eolas faoi ghíotaí eile istigh leis an bhfoclóir, nach fios cá bhfuil sé go díreach anois, in *Breathnach* (1940*b*). Ba le Pádraig Ó Briain, an díoltóir leabhar i mBaile Átha Cliath í tráth. Ba Chorcaíoch é Pádraig.

<sup>670</sup> ARÉ 23D32 (513). Féach nóta 61 thuas.

<sup>671</sup> Féach an *N.L.I. Cat.*, vi, 22.

Liúcainne, a bhí ‘in the habit of reading Irish manuscripts’;<sup>672</sup> ba é an dara duine acu an ‘ultimus Hibernorum’ i gCo. na hIarmhí, mar a thug Seán Ó Donnabháin air ina dhiaidh sin:<sup>673</sup> Jack Daly (c.1757-c.1838) ó pharóiste Chill Bheagáin. Seo ceann de na nótaí a scríobh Thomas O’Conor air,

I made out after my arrival in town [.i. an Muileann gCearr], a very old man named Jack Daly, whose mind is possessed of youthful vigour and vivid memory. He speaks and reads the Irish language; he is the only person I met with here, that is of any worth to me; he read deep into history in general, and thinks that Aristotle was the greatest man that ever lived.<sup>674</sup>

Bhí sé ar leaba a bháis nuair a bhuail Seán Ó Donnabháin isteach chuige ar an 1 Eanáir 1838.<sup>675</sup> Ba leis an nglúin deiridh scríobhaithe Gaeilge ó Thuaisceart Laighean a bhain **Brian Mag Oireachtaigh** (c.1799-1849), a rugadh sa chontae sin, gar do Bhaile na gCros, b’fhéidir. An beagán dá shaothar atá againn, is féidir gur scríobhadh cuid de chomh fada siar le c.1811, agus tá giotáí ina láimh in CM L1 a grafadh sa bhliain 1845 i mBaile Átha Cliath. Níor scríobhaí dúchasach amach is amach é.

#### **1.4.4.2. An Longfort**

Níl ach beagán tagairtí againn do Cho. an Longfoirt, an chuid is mó den ábhar idir shean agus ‘nua’ ar caomhnú thall i Sasana, ach is dóigh go raibh baint éigin ag muintir Fhearghail leis an léann sa chontae sin. Ceann de na lámhscríbhinní is sine, is dóigh, a bhfuil baint aici le Co. an Longfoirt, b’fhéidir, is ea LBO Rawl. B488 (32), a ndeirtear gur ghráf Uighistin Mag Raidhin (*ob.*1405) í ar Oileán na Naomh i Loch

---

<sup>672</sup> ARÉ 14G13, lch 226; i gcló in Herity (2011: 108). Ní féidir teacht ar leagan sásúil Gaeilge den logainm ‘Currinstown’, ná níl sé cinnte gur logainm Gaeilge a bhí ann ó bhunús.

<sup>673</sup> ARÉ 14G13, lch 267; i gcló in Herity (2011: 118). Tagraíonn Thomas O’Conor dó i litir eile a scríobh sé ó Tyrrellspass an 10 Deireadh Fómhair 1837, ARÉ 14G13, lgh 315-18; Herity (2011: 132-3).

<sup>674</sup> ARÉ 14G14, lch 327; i gcló in Herity (2011: 245).

<sup>675</sup> Féach an tagairt i nóta 673 thuas.



Ríbh i bhfíorthús na 15ú hAoise. An comhleabhar LBO Rawl. B505 (36), ina bhfuil 210 nduilleog de théacsanna Laidine, agus deich nduilleog eile ag an deireadh de lámhscríbhinn Ghaeilge, is ábhar spéise an bhreacadaíl a chuir sealbhóirí éagsúla isteach inti i bhfad i ndiaidh a scríofa. Tá fógraí báis daoine de mhuintir Fhearghail Bhuidhe a cailleadh idir 1504 agus 1621<sup>676</sup> scríofa ar leathanaigh bhána agus spásanna beaga eile tríd an gcéad chuid den lámhscríbhinn, agus fógraí eile a bhaineann le muintir Mhic Mhuircheartaigh sa dá chuid idir na blianta 1535 agus 1631, ach is dóigh, ar an bpeannaireacht, gur scríobhadh cuid acu in aon cháil lena chéile, abraimis.<sup>677</sup> Ba le Cormac Óg Mac Muircheartaigh (*ob.*1629) an leabhar lá den saol, óir tá nóta aige áit amháin a léiríonn gurb é ‘lebhur Chormaic Oig Mhic M[h]urithartai’ é, agus is dóigh le Brian Ó Cuív (2001: 209) gur cuireadh an chuid Laidine den leabhar agus na deich nduilleog atá i nGaeilge le chéile le linn dóibh a bheith i gcnuasach an Chormaic Óig sin. Sa bhreacadaíl agus fógraí difriúla atá sa lámhscríbhinn, tugtar dúinn ‘Obitus Cormacij iuvenis Moriarti filij Edmondi Moriartij ... Killdacamog’,<sup>678</sup> a fuair bás an 29 Nollaig 1629. Thíos faoi sin tá ‘Obitus Antonij Moriartij’, O.P., ó choinbheint an Longfoirt, mac le Cormac a fuair bás sa bhliain 1631. Duine eile a bhain leis an teaghlach céanna, agus a bhí in inmhe roinnt Gaeilge a scríobh ab ea ‘Taodhg Mhac Muriartaidh’ (*al.* Teige Mortagh).<sup>679</sup> Bhí an lámhscríbhinn ag Donnchadh Ó Cobhthaigh sa bhliain 1584,<sup>680</sup> agus dhealródh sé gur chaill muintir Mhic Mhuircheartaigh í go gairid tar éis bhás Anthony sa bhliain 1631, óir bhí sí ag Conall Mhag Eochagáin (*fl.*1597-1644) sa bhliain 1641.<sup>681</sup> Sealbhóirí eile ar an lámhscríbhinn ab ea iad John Farrell éigin agus

<sup>676</sup> Tá liosta de na fógraí agus nótaí in Ó Cuív (2001: 211-14).

<sup>677</sup> Féach LBO Rawl. B505 (36), f. 89v.

<sup>678</sup> LBO Rawl. B505 (36), f. 89.

<sup>679</sup> F. 49.

<sup>680</sup> Féach Caib. 1.4.6.1 thuas.

<sup>681</sup> Mar a dúradh i gCaib. 1.4.6.1 thuas.

Amy [*sic*] Farrell (arbh fhear é), ach ní féidir dáta a chur leis an mbeirt seo.

Lámhscríbhinn eile den chineál seo is ea í COFLA F2, portús Laidine a scríobhadh tuairim is an 15ú hAois, agus lenar cuireadh dhá dhán Ghaeilge [? san 18ú hAois] agus meascán sínithe agus nótaí a cheanglaíonn an lámhscríbhinn le Tuaisceart Laighean sa 17ú agus san 18ú hAois.<sup>682</sup>

Is eol dúinn go raibh an scríobhaí **Séamus Lom Ó Fearghail [1]** (*fl.*1703-18) ina bhall de ghrúpa Thaidhg Uí Neachtain go luath san 18ú hAois, agus gurbh as Co. an Longfoirt dó, ach níl sé soiléir cár ghráf sé an dá lámhscríbhinn atá againn uaidh, a bhfuil na dátaí 1703 agus 1711 leo, ná cérbh é an Muiris Ó Broin a chuir ábhar breise le ceann acu, LN G15. Is beag atá ar eolas faoi Dhonnchadh Mac Giolla Chrosáin (*fl.*1711) dár scríobh Séamus Lom Ó Fearghail [1] cuid de LB Eg. 133, ach gur scríobhaí é fosta.<sup>683</sup> Chaith, mar a dúradh thuas, an scríobhaí, Muiris Ó Fearghail (*ob.*1771), cuid mhaith dá shaol ina shagart paróiste i mBaile Mhatháin, Co. an Longfoirt, cé gurbh i gcomharsanacht Theach Munna i gCo. na hIarmhí, agus in Alcalá de Henares a ghráf sé a bhfuil dá shaothar againn.

Sa 19ú hAois, bhí **Séamus Ó Fearghail [2]** (*c.*1766–) eile ag cur lámhscríbhinní le chéile—idir na blianta 1800 agus 1836, go sonrach—agus bhí ceangal aige le hÉamonn Ó hEarchadha (*fl.*1817) ó Cho. Ros Comáin. Tharraing an bheirt acu go mór ar shaothair Bhriain Uí Fhearghail (1715–*c.*1788),<sup>684</sup> scríobhaí a rugadh gar do Bhaile Átha Luain agus a chaith cuid mhaith ama i gCúige Chonnacht. I mBaile

---

<sup>682</sup> Eolas iomlán san *M.N. Cat.*, vi, 133-4, ach is iad seo na nótaí is fearr a léiríonn an ceangal a bhí ag an leabhar le Tuaisceart Laighean, ‘Nicholas Ledwich’ (lch 24); ‘Ad conventus de Culmore ...’ (lch 124), ‘Denis Farrell’, srl. (lgh 132, 166), 1677; ‘Vale Antonius Nugentis recepit habitum 1677’ (lch 172); ‘Franciscus Farrell’ (lgh 142, 166), 1723-4. Deir an Moins. Ó Fiannachta gur peannaireacht ghall-ghaelach nó ghallda atá sa phríomhchuid den leabhar, agus ní féidir a thaispeáint cár scríobhadh é.

<sup>683</sup> D’fhéadfadh sé gur scríobhaí eile de chuid an cheantair é Donnchadh Mac Giolla Chrosáin, ach theip orm sin a thaispeáint.

<sup>684</sup> Nótaí eile ar an mbeirt seo i gCaib. 1.4.6.2 agus i gCaib. 2.164, áit a dtugtar cuntas ar Shéamus Ó Fearghail [2].

Mhatháin a bhí cónaí ar Shéamus Ó Fearghail [2], agus chaith sé mí na Bealtaine 1808 ag scríobh laoihe do Chríostóir Aindreamha (1764(?)–1860) ó Dhroichead Átha. Ba é an scríobhaí deiridh é ó Cho. an Longfoirt, murarbh ann a rugadh an máistir scoile **Cathal Ó Cearbhalláin** (c.1809-1879). Bhí Cathal Ó Cearbhalláin ag teagasc ann agus é fós ina dhéagóir sna 1820í, ach bhog sé leis go Béal Feirste am éigin sna 1840í, áit ar phós sé Anne McDonnell, iníon Aodha Mhic Dhomhnaill [2] ó Cho. na Mí. Ó tharla gur Mhíoch í bean Chathail, is féidir gurbh in an fáth ar creideadh sna Gleannta, Co. Dhún na nGall, áit a bhfuair sé bás, gurbh as an Mí dó.

#### **1.4.5. Tuaisceart Uladh: Dún na nGall, Doire, Tír Eoghain**

Níl againn ach lámhscríbhinní fáin ó gach ceann de na trí chontae seo, agus scríobhadh an chuid is mó acu san 18ú hAois. Ba dhóigh le hÉnri Ó Muirgheasa (1915: xi) nár scríobhadh ach fíorbheagán i dTuaisceart Uladh tar éis na 17ú hAoise, nó féach gur scríobh sé: ‘... in the matter of Irish, Donegal and north Ulster generally, as well as Connacht, became illiterate in the 17th century...’ Tá leideanna againn, áfach, go raibh méid áirithe lámhscríbhinní ar fáil sna contaetha sin sa chéad leath den 19ú hAois.

##### **1.4.5.1. Dún na nGall**

Mar a rinneadh leis na trí chontae a áiríodh faoi Bhréifne thuas, ní dhéantar plé ar na lámhscríbhinní a grafadh sa chontae seo roimh an mbliain 1650 cheal spáis agus ama, ach is ceart cúpla duine de chuid an tseanoird a bhí ag grafadh ann díreach sa chéad leath den 17ú hAois a lua. Tá tús áite tuillte ag an mBr. Mícheál Ó Cléirigh, O.F.M. (c.1590-1643), thar éinne eile, ar ndóigh. An triúr ba mhó a chuidigh leis, Fear Feasa Ó Maoil Chonaire ó Cho. Ros Comáin; Cú Choigcríche Ó Cléirigh (*ob.c.*1664) ó

Cho. Dhún na nGall; agus Cú Choigríche Ó Duibhgeannáin ó Cho. Liatroma, d'fhág siad uilig ábhar againn nach mbaineann le feachtais éagsúla na gCeithre Máistrí, agus lean Cú Choigríche Ó Cléirigh (*ob.c.*1664) air ag cóipeáil lámhscríbhinní go dtí an bhliain 1661, go bhfios dúinn. Duine eile a bhí ag saothrú leis isteach sa dara leath den 17ú hAois ab ea Mac Con Ó Domhnaill (*fl.*1648-54), a d'fhág ábhar Gaeilge againn dar dáta 1648 agus a bhí beo in 1654.<sup>685</sup> Is ábhar spéise go raibh scríobhaí eile ag cóipeáil cuid de shaothar na gCeithre Máistrí i nDún na nGall sna 1640í, Eochaidh Ó hEodhasa (*fl.*1647). Ní hé an file Gaeilge é ach an scríobhaí a bhí ag cóipeáil 'Leabhar Gabhála' Uí Chléirigh ag Sruth Bó sa bhliain 1647.<sup>686</sup>

Chóipeáil **Baothghalach Ó Fearghusa** (*fl.*1655) lámhscríbhinn leighis sa bhliain 1655 ann, an saothar deiridh den chineál seo sa chontae atá ar eolas agam.

Aistriitheoir cumasach téacsanna ab ea an tAth. **Maghnus Ó Domhnaill** (*fl.*1694-1706) a nglactar leis gurbh as Co. Dhún na nGall dó. D'fhág sé againn aistriúcháin Ghaeilge ar scéalta rómánsaíochta, agus ar *Corpus Astronomiae* Cortes, ní a thiontaigh sé ó Spáinnis sa bhliain 1694. Níl ar fáil, ina dhiaidh sin, ach fuíollacha beaga anseo is ansiúd, lámhscríbhinn mhaith a ghraf **Domhnall Mac Giolla Chomhghaill** (*fl.*1704-18) i nDoire Thairbh ó 1704 go dtí an bhliain 1718, ina bhfuil cóip de 'Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh' atá cosúil leis na cinn a fheictear i lámhscríbhinní sa taobh thoir den chúige.<sup>687</sup> Is dóigh gurbh as Co. Dhún na nGall do **Bhrian Mac Giolla Eoin** (*fl.*1769-70), óir bhí an t-aon lámhscríbhinn amháin atá againn dá chuid idir lámha ag Daniel Connolly ó Bhéal Átha Séanaidh i ndiaidh a scríofa.

---

<sup>685</sup> Féach C Add. 3084 (9) agus ARÉ B.iii.1 (742), f. 89.

<sup>686</sup> ARÉ D.iii.3 (777).

<sup>687</sup> Féach O'Rahilly (1913*b*), áit arb í lámhscríbhinn C dá chóras tagartha í an lámhscríbhinn seo againne.

Ní féidir a bheith cinnte amach is amach gurbh é **Seán Mac Gonigle** a scríobh COBÁC M23,<sup>688</sup> toisc nach bhfuil colafon inléite sa lámhscríbhinn féin anois. Ba é an scríobhaí dúchasach deiridh sa chontae sin, go bhfios dom, **Éamonn Ó Cuinn** (*fl.*1824-6) ó Bhéal Átha Séanaidh, a ghraf LN G355, idir na blianta 1825 agus 1826. Bhí Pádraig Ó hUiginn (*fl.*1837-46), sáirsint, ag bailiú amhrán sa chontae do Roibeard Mac Ádhaimh thart ar aimsir an Ghorta;<sup>689</sup> thart faoin am ar chuir Hugh McFadden (*c.*1801-1868), sagart ó Chloch Cheann Fhaola, cnuasach seanmóirí le chéile dá phobal ann san *English character*; agus bhog beirt scríobhaithe eile go Co. Dhún na nGall ina dhiaidh sin, Aodh Mhac Domhnaill [2] (*ob.*1867) agus Cathal Ó Cearbhalláin (*c.*1809-1879), fear a iníne.

#### 1.4.5.2. Doire

Rinneadh plé ar lámhscríbhinní agus filí ar féidir go raibh baint acu le Co. Dhoire in Ó Maitiú (2013: 50-1).

Ní féidir a bheith cinnte go bhfuil lámhscríbhinn amháin againn a ghraf scríobhaí ó Cho. Dhoire ina áit dhúchais, mura nglactar le lámhscríbhinní an Ath. Séamus Ó Muireadhaigh (*c.*1703-1767), arbh ó Cho. Dhoire dá mhuintir ach a rugadh i gCo. an Chláir, áit ar scríobh sé lámhscríbhinn mhaith sa bhliain 1729. Tá ábhar breise ina láimh in LB Add. 40766, ach is doiligh a dhéanamh amach goidé mar a fuair sé greim uirthi, nó goidé mar a d'fhill sí ar Cho. Fhear Manach, áit ar scríobhadh sa chéad áit í, is dócha.<sup>690</sup> Bhí an leabhar céanna i nGabhla ag an Ath. Seon Mag Uidhir nuair a chuir sé, nó duine eile, ginealaigh léi. Is féidir gurbh as Co. Dhoire do **Philip**

---

<sup>688</sup> Fuair Énrí Ó Muirgheasa an lámhscríbhinn ó dhuine dá shliocht, mar is soiléir ó nóta atá ar cheann d'fhordhuilleoga tosaigh na lámhscríbhinne anois.

<sup>689</sup> Tá a chuid litreacha in LN G702(14), míreanna 1-4; agus tá sampla dá pheannaireacht mhaith chumasach in Ó Buachalla (1975: 78-9).

<sup>690</sup> Cailleadh an tAth. Séamus Ó Muireadhaigh sa bhliain 1767, nuair a bhí an lámhscríbhinn, is dóigh, i seilbh Sheoin Mhig Uidhir, O.P., cléireach a d'aithin Flower, *B.M. Cat.*, ii, 161 *n.*, le John Maguire, príóir Ghabhla, i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh, Co. Fhear Manach.

**Ó Ciarbhalláin** (*fl.*1675), a scríobh cóip de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ sa bhliain 1675 (Ó Maitiú 2013: 50), ar bhonn shloinnnte na sealbhóirí a chuir a n-ainmneacha léi, an tAth. **Séamus Ó Scealláin** (*fl.*1734), Godfridus O’Keane (*fl.*1758), agus ‘Tairdhealbhach Óag Ua Dithmon’. Scoláire eile ón gcontae seo ab ea an tAth. **Paul Gormley** (*ob.*1682). Is féidir go raibh lámhscríbhinní i ndúiche Dhún Geimhin seal gairid sular shiúil Seán Ó Donnabháin í a lorg eolais faoi mhuintir Chatháin. Is beag toradh a bhí ar a chuid iarrachtaí, mar atá le tuiscint ó litir a sheol sé chuig a fhostaitheoir, Thomas A. Larcom, ar an 11 Lúnasa 1834,

I spent eight days at Dungiven to get the old Irish names of the PARISHES of DUNGIVEN, BANAGHER, BOVEVAGH, ERRIGAL, & BALTEAGH. ... I have also searched these Glens for some old *Tuireadhs* or Elegies sung at *wakes* of the old families but I could not find *one*, except one fragment ... They can not recite any of Ossian’s poems except odd lines here and there. These (they) have, not from a succession of *oral* traditions, but from hearing old men (Irish scholars now dead) read them out of MSS. now decayed or lost’.<sup>691</sup>

I litir eile a scríobh sé ina dhiaidh sin, ar an 22 Lúnasa 1834 i Machaire, thrácht Seán Ó Donnabháin ar Bhrian Mann Mullan, ‘the oldest branch of the celebrated Sept of O’Mullan’, mar a thuig sé an scéal,

Brian reads Irish well but he lent and lost all his MSS except one, which is a treatise upon Divinity, an explanation of the articles of faith contained in the Creed &c. There are some hard words in this that have puzzled him much, such as “Corporeal Conception” (coimpeirt corpardha) “mystical meaning” (ciall fathrúnda) “sensible properties” (cailidheachta Foirimealacha), ...<sup>692</sup>

Léiríonn tagairt fáin do San Adhomhnán sa chéad litir eile go raibh Brian in ann Gaeilge a scríobh.<sup>693</sup> Tá na litreacha lán de nótaí den chineál seo faoi scoláirí agus

---

<sup>691</sup> ARÉ 14D21, lch 40. I gcló anseo as Herity (2012: 19).

<sup>692</sup> Lch 66. As Herity (2012: 27).

<sup>693</sup> Lch 67. Litir a scríobhadh i Machaire an 23 Lúnasa 1834 agus a bhfuil cóip di in Herity (2012: 27-8).

léitheoirí Gaeilge: John McCloskey,<sup>694</sup> mar shampla, múinteoir clasaicí a thug lámhscríbhinní dó; is eol dúinn go raibh lámhscríbhinn amháin aige a ghráf Seon Mhac Solaidh ó Bhaile Hardaman, Co. na Mí, sa bhliain 1715. Sa chnuasach litreacha céanna,<sup>695</sup> cluintear trácht ar mháistir scoile darbh ainm James Bradley (Ó Brolacháin, duine muinteartha leis an mBráthair Bán) a raibh ‘MSS’ aige—is soiléir gur lámhscríbhinní Gaeilge cuid acu, cibé rud é, toisc go ndeirtear áit eile gur chuir Bradley dhá dhán Ghaeilge chuige.<sup>696</sup> Luann Seán Ó Donnabháin áit eile an ‘very good MS.’ a bhí ag Mr. McRory, máistir scoile, nach raibh éinne in ann a thuiscint ach Seán é féin, agus ina raibh dánta dinnsheanchais a raibh cóipeanna eile acu i *Leabhar Bhaile an Mhóta* agus i *Leabhar Leacain*. Leid eile faoi thraidisiún scríofa na dúiche seo is ea an tagairt a fuair Ó Doibhlin (2000: 405, 428 *n.20*) cheana don ‘Revd. Mr. Quinn of Omagh’ a bhailigh lámhscríbhinní i mBaile na Scríne. Diomaite de go dtéann sé le céill go bhfágfadh sagart iad i Maigh Nuad (nó in iarsmalann a dheoise féin), ní dóigh go bhfuil torthaí a chuid oibre ar coimeád áit ar bith.<sup>697</sup>

<sup>694</sup> Lch 75. Litir a scríobhadh san áit chéanna an 24 Lúnasa 1834; cóip in Herity (2012: 30).

<sup>695</sup> Lch 92. Féach fosta Herity (2012: 35).

<sup>696</sup> Lch 131; Herity (2012: 47). Litir eile a scríobhadh i Machaire ar an 5 Meán Fómhair 1834, áit a raibh Seán Ó Donnabháin lonnaithe ar feadh tréimhse. Ba san áit chéanna a scríobhadh an dara litir ina bhfuil tagairt don fhear seo ar an 6 Meán Fómhair 1834 i Machaire; ag seo briathra Sheáin Uí Dhonnabháin: ‘Mr. Bradley has given me two very curious (Irish) poems composed by ~~some~~ (two) of his relatives {Priests about 100 years dead}. They are very curious as being written on the continent and sent home to MAGHERA PARISH, many of the townlands of which they enumerate? I have also taken down from his dictation a Poem about a Banshee, a very wild but not disagreeable production’, lch 139; Herity (2012: 49).

<sup>697</sup> Ní éasca mórán lámhscríbhinní atá i gcnuasach Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad, a shamhlú le Co. Dhoire, agus má tá ann dóibh go fóill, bheidís istigh leis na lámhscríbhinní breise (sraith B), nó le lámhscríbhinní Uí Reineacháin (sraith R), b’fhéidir. Luann Ó Doibhlin (2000: 428 *n.20*) an deacracht seo. Tá 22 lámhscríbhinn bhreise ann, agus is í an t-aon cheann acu a ritheann liom an lámhscríbhinn a luadh cheana, MN B7, ní a luaigh Ó Maitiú (2013: 50). Níl log scríofa ann. I litir eile a scríobhadh ag Baile na Croise (Draperstown-Cross) ar an 16 Meán Fómhair 1834, scríobh Seán Ó Donnabháin gur theip air agus ar an Ath. Manus O’Kane teacht ar lámhscríbhinní i mBaile na Scríne, óir thug bailitheoirí leo iad go Maigh Nuad agus go Béal Feirste, ARÉ 14D21, lch 197; i gcló in Herity (2012: 67). Theip orthu arís an lá ina dhiaidh sin, de réir na chéad litreach eile. Tá dhá lámhscríbhinn againn a bhí i gCill Chatáin sa 19ú hAois: LNBB Add. 410A (A3), agus LNBB Add. 411A (A4). Ní fios cár scríobhadh iad. Déantar cur síos ar an dá lámhscríbhinn seo in Ó Riain (1967: 2-4), áit a nótáiltear go bhfuil inscríbhinní orthu a thugann le fios go mbídís i gcnuasach Alexander Ogilby, Esq., ó Chill Chatáin, Co. Dhoire. Bhí na lámhscríbhinní sin idir lámha ag E. Phillimore éigin nach fios dom cérbh é; taispeánann nóta a scríobh Henry Jenner, Iarsmalann na Breataine, an 20 Iúil 1889, gur chuir E. Phillimore na lámhscríbhinní sin chuig an iarsmalann le go

### 1.4.5.3. Tír Eoghain

Fuair Ó Baoill (2007: 87) saothar mór le mórán lámhscríbhinní a cheangal leis an gcontae seo: cé go n-admhaíonn sé go raibh *scriptorium* tráth i gClochar, agus cé gurb eol dúinn gurbh ann a bhí príomhtheaghlach mhuintir Néill lonnaithe, is beag lámhscríbhinní is féidir linn a cheangal leis an gcontae. Thuigfí ó nóta a scríobh Cathal Ó Conchubhair (1710-1791) go raibh lámhscríbhinn os a chomhair sa bhliain 1775 a ghraf Toirdhealbhach Luineach Ó Néill (*ob.*1595), ach is doiligh sin a chreidiúint ar bhealach.<sup>698</sup> Is fiú cuimhneamh air go bhfuil mórán filíochta ar mhuintir Néill fós ar fáil sna lámhscríbhinní, agus chonaic muid tagairt cheana do dhuanaire cailte Fheidhlime mhic Eoghain Uí Néill (15ú hAois), ní a thugann le fios gur dóigh go mbíodh lámhscríbhinní á ngrafadh ann tráth. Luann Ó Baoill (2007: 87) go raibh lámhscríbhinn a ghraf Síoghraidh Ó Maoil Chonaire sa bhliain 1536 ag an mBr. Mícheál Ó Cléirigh, O.F.M., (*c.*1590-1643) idir na blianta 1627 agus 1635 nuair a ghraf sé ábhar aisti.<sup>699</sup> Beathaí naomh a bhí sa lámhscríbhinn, agus ba ghar do Shliabh Troim i gCo. Thír Eoghain a cuireadh leabhar Uí Maoil Chonaire le chéile. Is féidir linn glacadh leis gur scriosadh í. Fágann sin, má chuireann muid an fhéidearthacht gurbh as an gcontae seo do Ruaidhrí Ó Caiside (*ob.*1541) ar leataobh, gurbh é an leabhar is sine atá againn ó Cho. Thír Eoghain *Cín Lae Uí Mhealláin*, a grafadh idir na blianta 1641 agus 1647. Meastar gurb í COC M3 (3) autograf an

---

scrúdófaí iad. Tá an nóta sin istigh le LNBB Add. 410A (A3), idir lgh [20]-[21]. I gcuid de na litreacha suirbhéireachta a scríobh Seán Ó Donnabháin ó Cho. Dhoire sa bhliain 1834, tagraíonn sé don taighde sanasaíochta a rinne ‘Alick Ogilby’ ó Chill Chatáin: ‘I have done my best to spell them correctly but I have been bewildered by old Ogilby and Sampson. Kilcattan or the Church of S<sup>1</sup> Catanus should appear on our old map. The house of old Ogilby stands on the site’, ARE 14D21, lch 18; Herity (2012: 10).

<sup>698</sup> ARE F.v.4 (775), ff. 4-5. Ba le Tiarna Mhaigh Rátha an uair sin an lámhscríbhinn, cibé duine a scríobh.

<sup>699</sup> Tá ábhar Mhíchíl Uí Chléirigh in BR 4190-200.



tsaothair sin; ghráf Henrí Mac an tSaoir (*fl.*1787-93) cóip de chodanna di i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1793.<sup>700</sup>

Is beag atá againn ó Cho. Thír Eoghain i dtréimhse na Nua-Ghaeilge fosta. Chreid Ó Muirgheasa (1934: 457), agus tharlódh sé go raibh an ceart aige, gurbh é Droim an Rátha i gCo. Thír Eoghain an log a bhí i gceist i litir bhagartha do mhinistéir a bhí ag smaoineamh ar dhul ann lena chreideamh a scaipeadh, rud a chóipeáil **Aodh Mac Domhnaill [1]** (*fl.*1714) isteach ina lámhscríbhinn, ARÉ 23K5 (57), a grafadh sa bhliain 1714. Tá giotáí Gaeilge in LN G730, lámhscríbhinn dar dáta 1743 a ghráf **Thomas Hudson** (*fl.*1740-3) ina bhfuil urnaithe, sleachta as na Deich nAitheanta, giotáí i nGaeilge, Eabhrais agus Gréigis, mar aon leis an bPaidir i dteangacha difriúla. An tríú lámhscríbhinn Nua-Ghaeilge ar féidir í a cheangal le Co. Thír Eoghain, agus le Clochar go beacht, is ea í LNA 72.2.5, ina bhfuil cóip de shaothar Sheáin Uí Neachtain, ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh’. Is spéisiúil an ní é gur éirigh le scríobhaí LNA 72.2.5, **Seon Mac Ciar** (*fl.*1738), teacht ar chóip den saothar seo chomh luath leis an mbliain 1738, nuair nár cumadh an bunsaothar ach fiche nó tríocha bliain roimhe sin i mBaile Átha Cliath nó i gCo. na Mí; cibé áit a bhfuair sé an scéal sin, is dóigh go bhfuair sé a chóip de ‘Parliament Chloinne Tomáis’ san áit chéanna. Léiriú maith ar a éifeachtaí a bhí an traidisiún scríofa mar mheán seachadta téacsanna, sa dóigh go raibh cuid acu á gcur ó chontae go contae.

#### **1.4.6. Lámhscríbhinní i gCeantair Eile**

Is dóigh go dtuigfí ón sracfhéachaint a tugadh ar lámhscríbhinní Thír Eoghain nach féidir trácht ar thraidisiú(i)n an Tuaiscirt gan aird a thabhairt ar an obair liteartha a bhí ar siúl sna contaetha eile fá gcuard. Is le dhá cheantar eile in Éirinn, taobh

---

<sup>700</sup> Féach LB Eg. 131.

amuigh d’Oirialla agus de Bhréifne, is mó a shamhlófaí cothú agus tiomsú lámhscríbhinní i dtréimhse na Nua-Ghaeilge—Baile Átha Cliath i bhfíorthús na 18ú hAoise, abraimis; agus codanna áirithe de Chúige Mumhan trí chéile, san 18ú agus sa 19ú hAois. Is spéisiúil an ní é, díreach mar thomhas ar an méid teagmhála a bhí ar siúl idir scríobhaithe an Tuaiscirt agus na Mumhan ón 18ú hAois ar aghaidh, féachaint ar an méid lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt a bhfuil faisnéis iontu a léiríonn gur chaith siad seal i gCúige Mumhan. Ní flúirseach iad—tagann chun cuimhne ceithre lámhscríbhinn de chuid an Tuaiscirt a shroich an taobh sin tíre, trí cinn acu sa chéad leath den 19ú hAois—ML 7 le Seon Mhac Solaidh, ar dheisigh Donnchadh Ó Floinn í sa bhliain 1821 tar éis dó í a cheannach i ndrochríocht,<sup>701</sup> mar a deir sé linn (Ó Fiannachta 1980: 61); COC C[6] (119) le Séamus Mac Giolla Ruaidh,<sup>702</sup> a bhí i gnuasach Eoghain Chaomhánaigh go gairid tar éis a scríofa; agus MN M103 a grafadh idir 1762 agus 1764, agus a bhí i gCo. Chorcaí sna 1830í nuair a athscríobhadh codanna di.<sup>703</sup> Is spéisiúil an ní é gur féidir linn a léiriú gur

<sup>701</sup> Bheadh tuairim agam go bhfuil baint éigin ag an gcaidreamh a bhí ag an Oll. Pól Ó Briain leis an scéal, óir is eol dúinn go mbíodh seisean agus Donnchadh i dteagmháil lena chéile faoi chúrsaí Gaeilge (féach an cuntas ar Phól Ó Briain thíos i gCaib. 2.114). Ní deir Donnchadh cé uaidh ar cheannaigh sé an lámhscríbhinn, ach is spéisiúil go bhfuair sé í an bhliain ar cuireadh lámhscríbhinní an Oll. Pól Ó Briain ar ceant. Cuid de na lámhscríbhinní a bhí i gnuasach an Oll. Pól, chuir baill de scoil Thaidhg Uí Neachtain le chéile iad, nó ba leo iad lá dá raibh—féach na cuntais ar COC T<sup>1</sup>19 (19) agus ÓR 19, 20 (agus a thuilleadh acu, b’fhéidir), in de Brún (1967: 68; 1972: x, xiv). Bhí Seon Mhac Solaidh, scríobhaí ML 7, ceangailte go dlúth leis an scoil seo.

<sup>702</sup> Lámhscríbhinn a ghráf Seamus Mac Giolla Ruaidh sa bhliain 1811 do Phádraig de Búrca ó Bhéal Feirste. Cé gur beag atá ar eolas againn faoi Phádraig, is dóigh gur bhain sé leis an gciotal scoláirí a bhí i mBéal Feirste a chuir spéis sa Ghaeilge, óir ghráf Séamus cóip dháil den lámhscríbhinn chéanna don Dr Séamus Mac Domhnaill ón mbaile céanna in 1812. Caithfidh sé go bhfaca an Dr Mac Domhnaill lámhscríbhinn na bliana 1811 ag Pádraig, agus gur chinn sé ar Shéamus a fhostú le cóip eile a scríobh dó. Tá leideanna eile sna lámhscríbhinní gur bhain Pádraig agus Séamus leis an ngrúpa céanna; féach go bhfuil giotáí in LN G199(1), lámhscríbhinn ar bhain a formhór le Pádraig tráth, ina bhfuil giotáí i láimh Chríostail Uí Uiginn (Christopher Higgins), an té a scríobh giotáí don Dr Mac Domhnaill (féach PRONI D.3819/A/1/9 a bhfuil cóip agus grianghraf di in Mac Diarmada (1995)), agus do Edward Bunting (féach OB B26; Moloney (2000: 709)).

<sup>703</sup> Féach an cuntas ar Ardghal Ó hAnluain, scríobhaí MN M103, i gCaib. 2.177 thíos, mar a dtugtar tagairtí do O’Rahilly (1961), a léirigh an ceangal a bhí ag an lámhscríbhinn seo le lámhscríbhinní a grafadh i gCo. Chorcaí sna 1830í. Tharla MN M103 i gnuasach an Easpaig Uí Mhurchú ina dhiaidh sin. Tugtar eolas faoi John Arthur O’Hagan ó Iúr Chinn Trá, an duine deiridh (go bhfios dúinn) ag a raibh an lámhscríbhinn sula ndeachaigh sí ó dheas, i nóta 3044 thíos. Is dóigh gur bailitheoir gairmiúil a bhí ann. Tá liosta i bhfad níos iomláine de na cóipeanna a rinne baill de mhuintir Longáin i gCo. Chorcaí in Ní Úrdail (2000: 155-6).

scaipeadh na lámhscríbhinní seo idir scoláirí a raibh naisc acu le cumainn uirbeacha Gaeilge; b'ionann an scéal i gcás an Oll. Pól Ó Briain agus an Ath. Pádraig Ó Luain ag a raibh lámhscríbhinní Muimhneacha. Dhá eisceacht leis an riail sin is ea iad ARÉ 24P11 (1067), a fuair Séamus Ó Brinn, Míoch, le linn dó a bheith ag obair i Mala, agus a thug sé ar ais chun baile leis; agus LB Add. 40766, lámhscríbhinn Ultach a bhí i seilbh sagairt ó Cho. an Chláir<sup>704</sup> arbh as Co. Dhoire dá mhuintir, sa bhliain 1732; bhain an lámhscríbhinn le coinbheint Ghabhla, Co. Fhear Manach, thart faoin mbliain 1756. Mar sin, is dóigh gurbh i mBaile Átha Cliath amháin, beagnach, a tháinig traidisiúin an Tuaiscirt agus an Deiscirt lena chéile tar éis na 17ú hAoise. Ba idir an dá cheantar ba chongaraí don Tuaisceart is mó a scaipeadh lámhscríbhinní agus litríocht, Baile Átha Cliath agus Cúige Chonnacht.

#### **1.4.6.1. Baile Átha Cliath**

B'fhéidir go ndéarfáí gurb aisteach an ní é go mbaineann na tagairtí is sine atá againn do shaothrú na Gaeilge i mBaile Átha Cliath i dtréimhse na Nua-Ghaeilge le Coláiste na Tríonóide, murarbh é go raibh cuid mhaith oibre déanta cheana féin ag Williams (1986) agus Harrison (1988) ar an gceist seo. De bhreis ar na húdair seo, tá cuid mhaith gnéithe de shaothrú na Gaeilge scríofa i mBaile Átha Cliath á bplé ag údair dhifriúla le seasca bliain anuas, idir chuntais ar scoláirí aonair agus leabhair théagartha ar obair na scoile faoi seach. Féach go mórmhór Piatt (1957), Risk (1966; 1975), Ó Háinle (1982-3; 2005; 2005*a*; 2016), Williams (1986), Harrison (1988), Simms (1998), Nic Cárthaigh (2004), Ó Macháin (2006), Ní Mhunghaile (2008; 2009; 2009*a*; 2010), Mac Cathmhaoil (2013), agus na foinsí eile a luaitear sna foilseacháin sin. Díríodh go príomha ar scoláirí móra aonair, agus ar scoil Thaidhg

---

<sup>704</sup> Sin an tAth. Séamus Ó Muireadhaigh; tá cuntas air in Ó Macháin (2012).

Uí Neachtain trí chéile i gcuid mhaith de na foilseacháin seo, ní a fhágann go bhfuil scagadh iontach maith déanta ar phríomhbhaill na scoile sin i gcomórtas le cuid eile de na scríobhaithe a bhí lonnaithe sa chathair rompu agus ina ndiaidh. Caithfear a mheabhrú, áfach, go raibh, taobh leis na scoláirí seo, grúpaí beaga scríobhaithe agus scríobhaithe fáin nach bhfuil mórán eolais ar fáil fúthu. Ní chuirim romham ach imlínte an scéil a lua thíos; is beag tagairt a dhéanaim do scoil Thaidhg Uí Neachtain, ar an ábhar gur cuireadh cuid mhaith cuntas i gcló ar lucht na scoile sin cheana, sa dóigh nach mbeifí in ann a gceart a thabhairt do na scríobhaithe sin thíos, gan cúpla scór leathanach a scríobh orthu.

Is dóigh gurbh é Pól Ó hUiginn (c.1628-1724) an chéad léachtóir le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide a bhfuil trácht againn air, post a bunaíodh mar gheall ar liúntas a thug Sir Turlough O'Neill éigin don choláiste, mar is follas ón teastas seo a leanas i dtaobh na tréimhse a chaith sé ann,

JAMES REX... we are informed that an Irish Lecture was founded by Sir Turlogh O Neale, for which lands were settled upon that our College, who are to pay £30 per annum to the Lecturer; ... the said place is now vacant, being quitted severall yeares past by Paul Higgins, who last enjoyed the same, we have thought fit hereby to signify our pleasure, and accordingly to require you to confer the said Lecturer's place upon Arthur Green, Bachelor of Physic, to enjoy the same, with all the profits, rights, and advantages thereunto belonging; and our farther pleasure is, that the arrears of the said Lecturer's salary, since it has bin vacant as aforesaid, be also payd to the said Arthur Green. ... at Windsor, the 7th August, 1686, ... By his Majestie's command. SUNDERLAND, P.

Mheas Breathnach (1934: 118), a d'fhoilsigh an teastas thuas, gurbh é

Toirdhealbhadh mac Énrí Uí Néill (*ob.*1640) ón bhFíodh an Turlogh seo a thug £100 don Choláiste sa bhliain 1591, ach tá léirithe ó shin ag Ó Tuathail (1935) gur dóigh gur cheart do Mahaffy, a scríobh stair an Choláiste, an 'Sir Turlough' seo a aithint le

Toirdhealbhach Luineach Ó Néill (*ob.*1595). Ní heol dúinn go díreach cén bhliain ar ceapadh sa phost sin Pól, ach go gcaithfidh sé go raibh sé ag obair ann sna 1670í, óir d'fhág sé an post sa bhliain 1682 le dul a obair ar fheachtas eile a bhain le cúrsaí Gaeilge, agus tá sé amuigh air gur chaith sé roinnt blianta sa phost. Ba é Narcissus Marsh a d'fhostaigh é sa chéad áit, agus d'fhág sé ina dhiaidh an nóta seo air,

there was one Mr Paul Higgins ... in Dublin, who having been bred up in Spain or Rome ... was Mr. of Arts there ... He returned to his native country, Ireland, was made Popish Vicar-General of Connaught: This man was brought over to the Protestant Religion by Dr Otway y<sup>e</sup> y<sup>n</sup> Bp. of Killala, ... I agreed with Him for his Diet and Lodging in my House, and sixteen pounds per ann. to teach all the natives...<sup>705</sup>

Is é an feachtas atá i gceist agam an iarracht a rinne Robert Boyle leagan Gaeilge den Bhíobla a chur i gcló, ag tarraingt ar an ábhar a d'éirigh le Bedell a chur i gcrích. Tá cuntas iontach mion ag Williams (1986: 72-94) air seo. Cé gur chaith Boyle an tréimhse sin ina chónaí i Londain, ní ba bhéas dó, agus scríobhaí, Hugh Reily, fostaithe aige ann, bhí an Dr Sall ag stiúradh cuid mhaith den obair a rinneadh sa bhaile, áit a raibh Pól Ó hUiginn socraithe. Ball eile den fhoireann a cuireadh le chéile leis an mBíobla a réiteach ab ea Uilliam Ó Duinnín (*fl.*1682-8), scríobhaí Gaeilge ó Chúige Mumhan, is dóigh. Cheap an Dr Sall é leis an scríbhneoireacht a dhéanamh am éigin idir an 21 Eanáir 168<sup>1</sup>/<sub>2</sub> agus an 7 Feabhra 168<sup>1</sup>/<sub>2</sub>. Ba é an cúram a fágadh air dréachtaí den seanleabhar a dhéanamh le go mbeadh na scoláirí eile ba mhó cleachtadh ná é in ann iad a fheabhsú agus a réiteach don chlódóir. Ba iad na scoláirí eile sin Pól Ó hUiginn agus [John] McMullan i mBaile Átha Cliath, mar aon le Hugh Reily i Londain. Fuarthas locht ar chuid den obair a rinne Uilliam, de bharr an easpa dúthrachta a chaith sé le cúrsaí poncaíochta agus eile, ach dhealródh sé gurbh fhada a bhí sé ina seirbhís. Deir Williams (1986: 82, 197 *n.*62) go bhfuil cuid

---

<sup>705</sup> Nóta an Easpaig Marsh; i gcló cheana in Williams (1986: 81).

den obair a rinne Uilliam ar coimeád in LEM Z4.2.4, áit a bhfuil an síniú ‘Thade Dynyn’ scríofa ar cheann de na leathanaigh. Lámhscríbhinn eile le hUilliam is ea í ARÉ 23D38 (26), agus an dáta 1688 uirthi. De réir thuairim Williams (1986: 197 n.62), is féidir gurb ionann an Thade Dynyn a luaitear sa lámhscríbhinn sin agus scríobhaí ARÉ 23O72, cóip de ‘Parliament Chloinne Tomáis’ a ghráf Tadhg Ó Duinnín i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1705. Déantar tagairt mholtach do Thadhg i ndán Thaidhg Uí Neachtain ar scoláirí Bhaile Átha Cliath, *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn*, áit a ndeirtear go bhfuarthas ‘barr eagnadh 7 foghlum’ sa Mhuimhneach (O’Rahilly 1913a: 158; Harrison 1988: 135). Ní heol dúinn go raibh aithne ag Tadhg Ó Neachtain ar Uilliam Ó Duinnín, nó níl trácht air ina dhán siúd.

Is beag atá ar eolas faoin gcéad scríobhaí eile a bhí ag obair san ardchathair sa bhliain 1682, Domhnall mac Thomáis Uí Shúilleabháin, ach an méid atá le baint as an aon lámhscríbhinn amháin dá chuid atá againn, LB Sl. 761. Ba i Sr. San Séamuis i bparóiste San Caitríona a grafadh an lámhscríbhinn bheag sin, gar don áit ar shocraigh, cuimhneofar air, cuid mhaith de na scoláirí a bhí ina mbaill de ‘scoil’ Thaidhg Uí Neachtain sa chéad aois eile. Is éard atá ina lámhscríbhinn, ginealach Thaidhg Uí Shúilleabháin áirithe ó Bhaile Átha Cliath. Níorbh iad Domhnall agus Tadhg an t-aon bheirt dar shloinne sin a bhí ag cur spéis sa Ghaeilge i mBaile Átha Cliath sa 17ú hAois. D’fhág Ciarraíoch darbh ainm Seán Ó Suilleabháin (*fl.*1699-1704) roinnt lámhscríbhinní againn a bhfuil dátaí idir 1699 agus 1704 orthu;<sup>706</sup> baineadh cuid den ábhar atá iontu ó lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt, nó ó chainteoirí dúchais ón gceantar céanna, toisc sliocht na canúna sin a bheith ar chuid

---

<sup>706</sup> Tá ceithre lámhscríbhinn dá chuid luaite sna catalóga, ARÉ A.ii.5 (748), ar scríobhadh an dá chuid di sa bhliain 1699 do Phádraig Mac an tSaoi; CT H.4.26 (1367), 1701, do Dhomhnall Ó Caoimh; CT H.5.10 (1382), 1703; agus CT H.4.29 (1370), 1704, do Hieronímus Piepiat (Jeremiah Pepyat, an díoltóir leabhar). Tugtar beagán eolais i dtaobh Jeremiah Pepyat in Ó Casaide (1942: 133), agus in Harrison (1988: 89, 102).

dár scríobh sé.<sup>707</sup> Scríobhadh ceann de na lámhscríbhinní seo do Hieronímus Piepiát, an díoltóir leabhar ar a dtugtaí Jeremiah Pepyat, an té a thug cóip de ghraiméar Gaeilge do Edward Lhwyd,<sup>708</sup> agus a bhí ina fhoilsitheoir ar leabhar John Richardson (c.1664-1747), *Fiorthairbhe na nGaidheal* (1716).<sup>709</sup> Ba i Lobháin a scríobhadh an chóip áirithe sin sa bhliain 1669. Agus muid ag trácht ar phátrún neamhghnách lámhscríbhinní, is fiú a lua nárbh iad na Muimhnigh amháin a bhí ag gabháil don Ghaeilge san ardchathair an uair sin; má tá an chuma ar a bhfuil de lámhscríbhinní na cathrach againn, is dóigh, áfach, nár tháinig scríobhaithe Leath Chuinn chun tosaigh ann go dtí an 18ú hAois. Thig linn a lua go raibh pátrúin sa chathair a dtuigfí óna gcuid sloinnte go bhféadfadh sé gurbh as Tuaisceart Laighean nó Cúige Uladh dóibh—Toirdhealbhach Ó Domhnaill agus Pádraig Mac an tSaoi dár scríobh Uilliam Ó Duinnín agus Seán Ó Súilleabháin lámhscríbhinní faoi seach. Thart faoin am céanna, bhí Uilliam Ó Loingsigh (*fl.*1686-1706) ag scríobh áit éigin i mBaile Átha Cliath. Is beag atá ar eolas faoi, ach gur rugadh sa chontae é, mar is follas ó dhán Thaidhg,

Uilliam Ua Loingsigh luaitear linn,  
scath nár sáruidh a scríbhinn;  
Áth na Gcliath char an chuim,  
mar [a] ndearnadh sé an Ghaoidhilg dfóghluim.<sup>710</sup>

<sup>707</sup> Féach an *R.I.A. Cat.*, 2302, agus Ó Buachalla (1975-6: 293).

<sup>708</sup> Tá nótaí ar an lámhscríbhinn chailte seo in Mac Aogáin (1968: xxii-xxiii).

<sup>709</sup> Tugtar nótaí ar an leabhar *Fiorthairbhe na nGaidheal* (1716), agus ar shaothair eile leis an Oir. Seon Mac Risteaird, in Ó Casaide (1942) agus Williams (1986: 117, 205 *n.*92). Ba é Thomas Humes a chlóbhuail é ar son Pepyat. Déantar plé ar shaothair an aistritheora, Seon Mac Risteaird *al.* John Richardson (c.1664-1747), a bhí ina reachtaire in Eanach, Co. an Chabháin an tráth ar foilsíodh *Fiorthairbhe na nGaidheal* (1716), in Williams (1986: 104-18).

<sup>710</sup> O’Rahilly (1913a: 158); Harrison (1988: 135). Agus muid feasach ar cheist úsáid na Gaeilge i mBaile Átha Cliath sa tréimhse sin, b’fhéidir go dtuigfí as seo nár chainteoir dúchais é Uilliam Ó Loingsigh, ach féach go n-úsáideann Peadar Ó Gealacáin i ndán dá chuid an friotal céanna agus é ag labhairt faoi féin, agus ní ceist dúinn gur shealbhaigh seisean an teanga óna mháthair. Tá an dán sin i gcló in Ó Buachalla (1964). Féach nóta 3713 thíos, áit a bhfuil roinnt tagairtí do lámhscríbhinní Uilliam Uí Loingsigh.

Is é Uilliam an chéad scríobhaí de chuid na cathrach a bhfuil lorg na hoibre a bhí á déanamh ag muintir Neachtain faoin am sin le brath go tréan ar a chuid leabhar: is éard atá sa lámhscríbhinn is déanaí atá againn uaidh, ARÉ 23A33 (819) a grafadh sa bhliain 1706, cóip den ‘Aithridheach Ríoghdha’, a tiontaíodh go Gaeilge le I. N. .i. John Norton.

Tar éis do Phól Ó hUiginn éirí as an bpost a bhí aige mar léachtóir sa bhliain 1682, níor ceapadh éinne ina áit ar feadh cúpla bliain sa dóigh gur iarradh ar údaráis an Choláiste tuarastal agus buntáistí eile an phoist a bhronnadh ar Arthur Green sa bhliain 1686 (Breathnach 1934), mar a chonaic muid thuas. Cheap an Dr John Hall ollamh eile le Gaeilge ina dhiaidh sin darbh ainm ——— Denny (Williams 1986: 114), ach ní dóigh gur ghlac éinne an post ar bhonn fadtéarmach go dtí gur fostaíodh Séarlas Ó Luinín (*fl.*1708-38)<sup>711</sup> tuairim is an bhliain 1708. Ba gheal leis a áiteamh gur dhuine de shliocht Mhatha Uí Luinín ó Ard Uí Luinín é, agus lean sé de cheird a shinsear trí bheith ina chroinic. Protastúnach a bhí ann, agus bhí sé i mBaile Átha Cliath ar an 6 Meitheamh 1708, nuair a tharraing sé ginealach mhuintir Mhórdha Cho. Laoise.<sup>712</sup> Ba thart faoin am seo a rinne sé socrú le King le go bhfostófaí sa choláiste é. Ghraf sé sa bhliain 1709 lámhscríbhinn de ghiotaí agus d’fhillíocht mholta ar an Dr Hall.<sup>713</sup>

Tagraítear do Shéarlas Ó Luinín sa dán úd, *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn*, arbh é a fhoilsiú in O’Rahilly (1913*a*), tá glacadh leis, a spreag scoláirí agus gníomhaithe na teanga spéis a chur sa ghrúpa scoláirí seo, ach ní hé seo an t-aon leid atá againn ar a dhlúithe a d’oibríodh na fir seo lena chéile. Ba dhóigh le O’Rahilly

---

<sup>711</sup> Scríobhadh cuntas cheana ar bheatha Shéarlais Uí Luinín in Risk (1966) agus Simms (1998). D’fhoilsigh Risk (1966) aoir a cumadh air am éigin roimh an mbliain 1712 ach níltear cinnte cé a chum í. Féach Caib. 2.189.

<sup>712</sup> Tugtar eolas faoi sin in Bewley (1905: 53).

<sup>713</sup> Féach Caib. 2.189. Féach, i dtaobh na lámhscríbhinne sin, Quin (1939).



(1913a: 156) gur scríobhadh an dán sa bhliain 1728, ach níl i gceist dáiríre ach aois na cóipe a tháinig anuas, cé go meabhraíonn an tagairt a rinneadh sa dán do Chathal Ó Conchubhair (1710-1791) nach dócha gur ceapadh roimh 1727 é.<sup>714</sup> Dhealródh sé go raibh cuid de na baill a luaitear sa dán, más ea gur scríobhadh sna 1720í é, tar éis éirí as lámhscríbhinní a ghráfadh faoin am ar cheap Tadhg é.<sup>715</sup> Murab ionann agus na cumainn ársaíochta a tháinig ina ndiaidh, d'fhéach na baill de ghrúpa Uí Neachtain chuig an tseanlitríocht a chaomhnú trí chóipeanna de na seanleabhair mheamraim a scríobh, ach ba chuid thábhachtach eile den obair a bhí ar siúl acu litríocht a chumadh agus a scaipeadh ar an dóigh chéanna. De bhreis air seo, chaith cuid de na baill a ndúthracht le glanadh agus le cur le chéile ginealach agus téacsanna stairiúla eile: réitíodh ábhar cráifeach mar chuid den fheachtas oibre sin. Níor cheart, ar ndóigh, glacadh leis an dán seo mar liosta cuimsitheach de bhaill an ghrúpa seo, ós féidir scríobhaithe eile a lua nach bhfuil tagairt ag Tadhg dóibh, agus a fhios againn go raibh siad i mBaile Átha Cliath lena ré. Duine acu is ea **Pádraig Dubhdal** (fl.1709-13), an scríobhaí a ghráf 'Foras Feasa air Éirinn' idir 1709 agus 1713; nó is féidir cuid de na scríobhaithe a raibh ceangal acu le **Risteard Tuibear** (fl.1705-47) a liostú, **Feidhlime Mag Fhinneachta, Toirdhealbhadh Ó Cilleáin,** agus **L. Tuibear**. De na hainmneacha atá ar taifead sa dán, níl lámhscríbhinn againn ó chuid acu, agus níl glacán maith lámhscríbhinní againn ach ó fhíorbheagán de na fir sin. Ghlac Tadhg cúram air féin sa dán áit dhúchais a thabhairt do gach duine de na fir a ainmníonn sé, beagnach, agus is as gach cúige in Éirinn dóibh. Rugadh triúr acu i mBaile Átha Cliath nó i bhFine Gall, an tUilliam Ó Loingsigh a luadh thuas, Proinsias Uailis, agus duine de na scríobhaithe ba thábhachtaí sa ghrúpa, Risteard Tuibear. An chuid is mó de na téacsanna nua a scaip an grúpa seo, ba ó phinn Sheáin

---

<sup>714</sup> Féach nóta 114.

<sup>715</sup> Uilliam Ó Loingsigh, Tadhg Ó Duinnín, agus scríobhaí nó beirt eile dá luaitear sa dán.

Uí Neachtain agus Thaidhg Uí Neachtain a tháinig siad, agus dhealródh sé gur mar gheall ar na ceangail a bhí ag na scríobhaithe seo le pobail Ghaeilge i ngach cearn den tír atá cóipeanna de shaothair na beirte seo i lámhscríbhinní a grafadh faoin tuath i gCúige Uladh agus i gCúige Mumhan níos lú ná leathchéad bliain tar éis a gcumtha.

Is eol dúinn go raibh Tadhg mac Sheáin mhic Thaidhg mhic Sheáin Uí Neachtain ón gCartún i gCo. Ros Comáin ina chónaí i mBaile Átha Cliath chomh fada siar le mí Feabhra na bliana 1704,<sup>716</sup> an uair a bhí sé ag scríobh na lámhscríbhinne is sine atá againn uaidh. Dhealródh sé go raibh cur amach aige ar an teanga le fada an lá an uair sin, óir bhí sé tuairim is 43 bliana d'aois, agus ba scríobhaí maith Gaeilge é a athair, Seán Ó Neachtain (*ob.*1729).<sup>717</sup> Is dóigh go raibh cónaí ar Sheán sa chathair faoin am sin, óir scríobh sé dán fada, 'Cath Bearna Chroise Brighde', ar chíríib a tharla, deirtear, i dTamhlachta sa bhliain 1705, agus luaitear sa dán Risteard Tuibear.<sup>718</sup> Thosaigh Proinsias Uailis (*c.*1654-1724), 'Duibhlinneach' agus duine de na baill a luaitear i ndán Thaidhg, ar a fhoclóir a chur le céile, *Nuafhoclóir Bogchruaidheach* (1706).<sup>719</sup> Fuair máthair Thaidhg, Úna Ní Bhroin, bás ar an 5 Feabhra 1706/7, ach is doiligh a rá an raibh cónaí uirthi ná ar a fear céile sa chathair an uair sin. Shínigh Tadhg léas roimh dheireadh na bliana 1709 ar cheithre sheomra sráide i Sr. an Iarla [? Theas] i bparóiste San Caitríona,<sup>720</sup> an chomharsanacht inar chaith sé an chéad daichead bliain eile dá shaol, murarbh ann a cailleadh é. Tuigeadh d'Ó Casaide (1928*b*: 13) go raibh baint éigin ag cúpla glúin de scoláirí Gaeilge leis an taobh seo

---

<sup>716</sup> Féach na colafoin in LN G192.

<sup>717</sup> Is beag de shaothar a láimhe atá againn, ach bhí sé ar son an teanga a scríobh go cumasach; féach an *B.M. Cat.*, iii, pláta XXI (*b*). Is í an lámhscríbhinn is tábhachtaí dá chuid atá againn MN B18, lámhscríbhinn lán dá chuid saothar féin, agus a scríobhadh idir na blianta 1713 agus 1715. Tá sampla de pheannaireacht líofa Thaidhg sa *B.M. Cat.*, iii, pláta XXI (*a*). Rinneadh na plátaí seo as LB Eg. 147.

<sup>718</sup> Féach an cuntas ar Risteard Tuibear i gCaib. 2.231. Tá an dán in eagar ag Williams (1981).

<sup>719</sup> Tá cóip de ar caomhnú in ARÉ 23D21 (145). Nóta ar Phroinsias Uailis (*c.*1654-1724) in Mac Aogáin (1968: xv *n.*3), agus tagairtí do thobair eolais eile, de bhreis ar a bhfuil sna foinsí a luadh ag tús na coda seo.

<sup>720</sup> ARÉ 23G8 (785), lch 124.

de Bhaile Átha Cliath, an chomharsanacht thart faoi Shr. na Mí agus faoi Chnoc an tSamhraidh, suas go dtí an 19ú hAois, agus ba san áit chéanna a bhí cónaí ar an scríobhaí deiridh i mBaile Átha Cliath, Seághan Ó Faircheallaigh, a fuair bás sa bhliain 1927. Shínigh ‘Jo<sup>n</sup>. Naghten’ an léas a ghlac Tadhg in 1709, mar aon le cúpla duine eile. Scríobh Risteard Tuibear cuid den chéad lámhscríbhinn atá againn óna láimh sa bhliain chéanna, 1709.<sup>721</sup>

Caithfear cuimhneamh air nach féidir féachaint ar an scoil mar fhoireann eagraithe oibreoirí, agus gur féidir, gur fíordhócha, go mbíodh scríobhaithe ag cuidiú lena chéile ina ngrúpaí beaga, agus leo féin amanna. Is féidir nach raibh aithne cheart ag cuid mhaith acu ar a chéile, ach amháin gur chuir siad leabhair chuig a chéile ó am go ham. Mar gheall ar a bhearnaí agus atá na lámhscríbhinní, is doiligh a rá cá fhad a bhí cuid de na scríobhaithe ceangailte leis an ngrúpa. Níl a fhios againn i dtaobh Aodha Uí Chobhthaigh (*fl.*1710), duine de na scríobhaithe a luaitear i ndán Thaidhg, ach go raibh baint éigin aige leis an scoil sa bhliain 1710 nuair a ghráf sé a chuid de OÉG H37, toisc a chosúla atá an tráchtas gramadaí a scríobh sé le hábhar atá i lámhscríbhinní eile de chuid na scoile. Ach ní chiallaíonn sé sin go raibh baint iontach láidir aige leis an scoil ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin. Is é bun agus barr an scéil nach mbeidh a fhios againn go deo goidé an ceangal a bhí aige leis an scoil go díreach, ó tharla nach bhfuil a chuid lámhscríbhinní againn, ach lámhscríbhinn amháin a fuair díoltóir leabhar ó Bhaile Átha Cliath i dtrunc a bhí sé tar éis a cheannach in Albain (de hÍde 1932: 139).

Ba iad na baill ba mhó den scoil (de réir na lámhscríbhinní atá againn) sna 1710í: Tadhg Ó Neachtain, a athair Seán Ó Neachtain, Risteard Tuibear, Muiris Ó Nuabha, Stiabhna Rís, agus Seon Mhac Solaidh, a chuidigh leo óna áit chónaithe, Baile

---

<sup>721</sup> LB Eg. 190.

Hardaman, i gCo. na Mí. Timpeall na bhfear cumasach seo, bhí scríobhaithe eile nár fhág againn ach beagán ábhair. Sna blianta 1710 agus 1711, ghráf beirt a bhí ceangailte leis an scoil, Aodh Ó Cobhthaigh ó Bhaile Risteaird, Co. na hIarmhí, agus Séamus Lom Ó Fearghail [1] (*fl.*1703-18) ó Cho. an Longfoirt, lámhscríbhinn an duine acu;<sup>722</sup> is dóigh go bhfuil graiméar a grafadh sa bhliain 1710 i láimh Mhuiris Uí Nuabha (*fl.*1710-26), scríobhaí Muimhneach a bhí san ardchathair.<sup>723</sup> Sa bhliain 1711, thosaigh Muiris Ó Nuabha ar lámhscríbhinn eile;<sup>724</sup> bhí Tadhg Ó Neachtain ag grafadh ARÉ 23G8 (785); agus dealraíonn sé go raibh Seon Mhac Solaidh ag cuidiú leis an uair sin.<sup>725</sup> Chuir Risteard Tuibear críoch le cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ an bhliain sin, rud a thosaigh Uilliam Ó Loingsigh a scríobh sa bhliain 1698, agus chaith sé cuid de na blianta 1712 agus 1713 ag grafadh na lámhscríbhinne inspéise sin, LB Eg. 132, ina bhfuil meascán maith scéalta próis. Sa bhliain 1713, thosaigh sé a scríobh lámhscríbhinne ina raibh ‘Beatha San Agatha’, beatha a d’aistrigh Seán Ó Neachtain go Gaeilge, mar aon le cuid mhaith dánta le Séamus Mac Cuarta agus filí eile ó Chúige Uladh,<sup>726</sup> an cineál ábhair inar chuir Seon Mhac Solaidh spéis éigin. Is dóigh, áfach, gurbh é an saothar ba mhó le rá ar cuireadh tús leis an uair sin

*Grammatica Anglo-Hibernica Phroinsias Uailis.*<sup>727</sup>

Bhí Stiabhna Rís (*fl.*1714-34)<sup>728</sup> ag scríobh leis chomh fada siar le 1714, nuair a ghráf sé na dánta cráifeacha in CT H.3.6 (1325).<sup>729</sup> Tháinig cúpla lámhscríbhinn

<sup>722</sup> OÉG H37 agus cuid de LB Eg. 133. Tugtar nótaí ar na scríobhaithe seo i gCaib. 2.138, 2.163.

<sup>723</sup> Ghráf Muiris Ó Nuabha na lámhscríbhinní seo: ARÉ 23A41 (779), 1710; ARÉ 23L34(1) (1007), 1711, 1714-15; CT H.6.15 (1419), 1714-15; LB Eg. 165, 1719; ABB E2, 1725-7. Mar a dúradh cheana sa *B.M. Cat.*, ii, 473, measadh go raibh an lámhscríbhinn deiridh thuas cailte, ach fuarthas cúpla bliain ó shin í. Féach an plé a dhéantar uirthi in Ó Macháin (2000).

<sup>724</sup> ARÉ 23L34(1) (1007). Scríobhadh an leabhar seo sna blianta 1711, 1714-15.

<sup>725</sup> Níl dáta le cuid Sheoin, ach bheinn ag ceapadh gur scríobhadh ag an am céanna agus cuid Thaidhg í. Scríobhadh an méid sin sa bhliain 1711. Féach nóta 1827.

<sup>726</sup> LN G127.

<sup>727</sup> Féach Mac Aogáin (1968: xv), agus na cóipeanna den *Grammatica* atá in LB Eg. 143 agus LN G332.

<sup>728</sup> Mar *Ó Maol Chraoibhe ní (de) Rís* a thagraítear dó i ndán Thaidhg Uí Neachtain. Níl ann ach aistriúchán eile ar *Rice*.

anuas chugainn uaidh a grafadh ag dátaí difriúla sa chéad fhiche bliain eile ina dhiaidh sin. Scríobh Muiris Ó Nuabha cnuasach tábhachtach dánta idir na blianta 1714 agus 1715, ar féidir a léiriú gur cumadh cuid mhaith díobh i scoil Thaidhg Uí Rodaighe. Tá dánta eile ar chuir Tadhg Ó Rodaighe comaoineacha leo i lámhscríbhinní de chuid scoil Thaidhg Uí Neachtain, agus tá sliocht obair Thaidhg ar na ginealaigh a chuir Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear ar pháipéar ó thuairim is an bhliain 1714 amach. Ghráf Seon cóipeanna de chuid de na téacsanna próis a cheap Seán Ó Neachtain, agus léiríonn alt le Ní Mhunghaile (2016) go bhfuil cuid de na téacsanna sin i lámhscríbhinní a ghráf cuid de na scríobhaithe thart faoi áit dhúchais Sheoin; féach go bhfuil cóip mhaith de ‘Iacobides agus Carína’ ag Pádraig Ó Doibhlin (*fl.*1726-7), ní a grafadh idir na blianta 1726 agus 1727.<sup>730</sup> Ó tharla gur luadh cheana cosúlachtaí idir leagan amach lámhscríbhinní Sheoin agus Phádraig, is féidir gurbh ó Sheon a fuair Pádraig Ó Doibhlin an saothar sin. Scríobhadh saothar le Seán Ó Neachtain isteach i lámhscríbhinn i gCo. Thír Eoghain sa bhliain 1738. Tá roinnt lámhscríbhinní ina bhfuil scéalta de chuid Sheáin nár aithníodh an pheannaireacht iontu.<sup>731</sup> Caitheadh cuid mhaith ama ar chóipeáil na scéalta agus na ndánta seo sna 1710í.

Bhí Aodh Ó Dálaigh i mBaile Átha Cliath faoin mbliain 1721, nuair a ghráf sé lámhscríbhinn do Chormac Mac Briain, agus bhí aithne aige ar neart scríobhaithe ann faoi lár na 1740í, Proinsias Ó Maoil Dhúin ó Cho. an Chláir, Tomás Mac Con Choilligh, mar aon le pátrúin, Francis Cheney, Paris Anderson, an Dubhaltach Mac an Leomhain, agus eile. Lean Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear de ghráfadh

---

<sup>729</sup> Is bearnach na lámhscríbhinní, mar is follas ó na dátaí a thugtar iontu, agus níl ach beagán dár scríobh Stiabhna Rís againn, is dóigh. Scríobhadh CT H.3.6 (1325) sa bhliain 1714; LJR Ir. 123 sa bhliain 1717; nóta sealbhaithe ar LN G459 in 1719; CT H.4.15 (1356) idir na blianta 1727 agus 1728; LN G137 in 1730; agus LN G134 sa bhliain 1734.

<sup>730</sup> LB Eg. 164.

<sup>731</sup> Féach, mar shampla, COC L7 (126) agus CT 2174.

na lámhscríbhinní, agus de staidéar a dhéanamh ar na ginealaigh, agus faoin am a dtagann deireadh le saothar scríofa Sheoin Mhic Sholaidh sa bhliain 1724, tá ísliú tagtha, de réir a bhfuil againn díobh, ar líon na lámhscríbhinní a bhí á gcur amach ag lucht na scoile. Bhí Muiris Ó Nuabha sa chathair an bhliain sin, nuair a shínigh sé admháil chíosa atá istigh le lámhscríbhinní Thaidhg, agus ghraf sé lámhscríbhinn (ina bhfuil giotaí a bhain sé as LB Add. 30512) idir na blianta 1725 agus 1727.<sup>732</sup>

An lámhscríbhinn mheamraim sin de chuid na 15ú agus na 16ú hAoise, LB Add. 30512, bhí sí idir lámha ag Conall Mhag Eochagáin (*fl.*1597-1644) idir na blianta 1630 agus 1635, ach faoin mbliain 1725, bhí sí á húsáid ag Muiris Ó Nuabha i mBaile Átha Cliath, agus níorbh eisean an t-aon duine amháin a bhain úsáid aisti. Bhain Risteard Tuibear giotaí aisti sa bhliain 1715,<sup>733</sup> Ualentín Ó hAnluain in 1729, agus bhain Aodh Ó Dálaigh an-adhmad aisti le dhá lámhscríbhinn a ghrafadh don Dr Francis Stoughton Sullivan sna 1750í. Pléadh cuid de na lámhscríbhinní is mó a d'úsáid siad in Harrison (1988), agus ní fiú linn ach cúpla sampla a thabhairt anseo. Ní scéal nua é gur chóipeáil Risteard Tuibear cuid mhaith de *Leabhar Bhaile an Mhóta* idir na blianta 1727 agus 1728, ná gur bhain Tadhg Ó Neachtain ábhar as an leabhar céanna, 'leabhar mór Choláiste Átha Cliath', mar a bhaist sé air, ón mbliain 1726 amach.<sup>734</sup> Sampla maith eile is ea iad na cóipeanna den *Leabhar Branach* a rinne Mícheál Ó Broin<sup>735</sup> agus Aodh Ó Dálaigh<sup>736</sup> i mBaile Átha Cliath tuairim na

---

<sup>732</sup> Féach nóta 723 thuas i dtaobh na lámhscríbhinne seo, ABB E2.

<sup>733</sup> ARÉ 23D1 (501).

<sup>734</sup> Féach Harrison (1988: 79).

<sup>735</sup> HUL Ir. 6, a grafadh idir na blianta 1726 agus 1728 i mBaile Átha Cliath.

Ba as Co. Chill Mhantáin do mhuintir Mhíchíl Uí Bhroin, agus d'fhéadfadh sé gurbh eisean a thug LB Eg. 1782 go Baile Átha Cliath, nó bhí sí i seilbh a mhuintire ó dheireadh na 16ú hAoise, *B.M. Cat.*, ii, 262. Tá nóta air in Mac Airt (1944: xvi).

Tá againn óna láimh, LN G130, 1725-7; HUL Ir. 6, 1726-8; ARÉ D.i.1(8) (1237), 1729; LN G61, 1733.

<sup>736</sup> CT H.4.4 (1346).

bliana 1726 ó lámhscríbhinn de chuid na bliana 1622,<sup>737</sup> lámhscríbhinn atá ar seachrán anois. Cé gurb iad cóipeanna Mhíchíl an cnuasach dánta is cuimsithí, ghráf Aodh Ó Dálaigh cnuasach measartha iomlán díobh don Dr Francis Stoughton Sullivan sa bhliain 1750;<sup>738</sup> scríobh Muiris Ó Gormáin ina lámhscríbhinn, LB Eg. 176, ina dhiaidh sin naoi ndán as an *Leabhar Branach*, nó ceann de lámhscríbhinní Aodha nó Mhíchíl; agus ba as lámhscríbhinn Mhuiris a ghráf Edward O'Reilly na dánta céanna in ARÉ 23Q1 (570) thart faoin mbliain 1794 (Mac Airt 1944: xv-xvi). Sampla iontach tipiciúil den dóigh a scaiptí litríocht san ardchathair.

Cuid de na lámhscríbhinní a úsáideadh le leabhair nua a ghráfadh, níl ann dóibh, go bhfios dúinn. Is eol dúinn go mbaineadh Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear téacsanna as na lámhscríbhinní céanna, an lámhscríbhinn leis an Ath. Pól Ó Colla a scríobhadh sa bhliain 1644 i dteach Chonaill Mhig Eochagáin ó Lios Maighne, *Leabhar Gearr na Pailíse* (cóip 1648), agus bhí faill acu féachaint ar lámhscríbhinní a chuir lucht scoil Thaidhg Uí Rodaighe le chéile fosta. Gan Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear a chur san áireamh, an bheirt ba mhó a chuidíodh lena chéile, ní doiligh samplaí eile de sheaneiseamláirí cailte a aimsiú sna lámhscríbhinní.

D'fhág an bheirt scoláirí Muiris Ó Nuabha agus Aodh Ó Dálaigh an chuid is mó dá bhfuil againn d'fhilíocht lucht scoil Thaidhg Uí Rodaighe, agus tá na lámhscríbhinní ar ar tharraing siad ar seachrán nó ar neamhní faoi láthair. De bhreis ar na giotaí a scríobh Ualentín Ó hAnluain, scríobhaí ó Chlann Mhaoilíora i gCúige Laighean, as *Leabhar Bhaile an Mhóta* sa bhliain 1727,<sup>739</sup> cheadaigh sé lámhscríbhinn eile a ghráf an Conall Mhag Eochagáin a luadh thuas sa bhliain 1640. Deir Ualentín linn, agus é ag scríobh i dteach Thaidhg Uí Neachtain, go raibh an tseanchóip dreoite an bhliain

---

<sup>737</sup> Féach an réamhrá le Mac Airt (1944).

<sup>738</sup> CT H.1.14 (1288).

<sup>739</sup> LN G138. Ní dóigh liom go bhfuil lámhscríbhinn eile dá chuid againn ach LN G449, lgh 33-96, agus an nóta a scríobh sé in LB Eg. 1782, f. 86b.

ar úsáid sé í .i. 1729,<sup>740</sup> agus níor tháinig sí, go bhfios dom, anuas chugainn.

Cailleadh athair Thaidhg, Seán Ó Neachtain, ar an 9 Márta 1729.

Thart faoin am a raibh an scoil ag druidim le deireadh a ré, thosaigh cuid mhaith scríobhaithe a obair sa chathair, agus iad lonnaithe san áit chéanna ina raibh cónaí ar Thadhg Ó Neachtain, ach ó tharla gur scaoilte na tagairtí atá againn do na scríobhaithe sin, is doiligh scéal leanúnach a dhéanamh as na leabhair atá againn. Bhí cuid de scríobhaithe ghrúpa Uí Neachtain ag grafadh lámhscríbhinní go fóill, agus cuireadh Séarlas Ó Luínín sa Marshalsea mar gheall ar fhiacha timpeall na bliana 1730: scríobh sé an ginealach deiridh dá chuid a bhfuil tuairisc againn air sa bhliain 1738.<sup>741</sup> Ghraf Stiabhna Rís lámhscríbhinn in 1730 ar bhain Muiris Ó Gormáin úsáid aisti, agus chóipeáil sé tráchtais ghramadaí ó ARÉ 24P8 (752) isteach in LN G134 sa bhliain 1734. I nóta a scríobh Stiabhna ar an lámhscríbhinn an 28 Meán Fómhair 1734, iarrann sé orainn maitheamh dó na dearmadtaí atá ina chuid oibre, ós éard is ábhar leo ‘lúas láimhe agus easbhaidh eóluis’. Duine de na baill ba dhéanaí a raibh ceangal aige le Tadhg Ó Neachtain ab ea Seán Ó hÉidéin a ghráf cúpla lámhscríbhinn sa chathair sna 1730í. Chuir Seán a ainm féin isteach i ndán Thaidhg ar lucht a scoile, agus bhí cóip de *Grammatica Anglo-Hibernica* Phroinsias Uailis á scríobh aige sa bhliain 1732 i Sr. San Tomáis, Baile Átha Cliath.<sup>742</sup> Scoir sé den lámhscríbhinn is déanaí dá chuid atá ar coimeád sa bhliain 1740, agus bhí sé fós sa chathair ar an 21 Nollaig 1761, an lá ar dhíol sé leabhar le Muiris Ó Gormáin. Bhí cuid mhaith leabhar ‘out abroad’ ag Tadhg tuairim na bliana 1736, cuid acu idir lámha ag Seán Ó hÉidéin agus Risteard Tuibear (Harrison 1988: 39-40; Ó hÁinle

---

<sup>740</sup> LN G449, lgh 33-96. Ghraf Tadhg Ó Neachtain LN G449, lgh 1-24, ach is doiligh a rá cá fhad atá na bloghanna lena chéile.

<sup>741</sup> Féach an cuntas air i gCaib. 2.189.

<sup>742</sup> LN G332. Níor scríobh Seán ach cuid den lámhscríbhinn, agus tá dátaí sna blianta 173<sup>1</sup>/<sub>2</sub> agus 1732 inti (lgh 117, 119). Idir 1732 agus 1740 a scríobhadh a chuid saothair, measaim, LN G332, 173<sup>1</sup>/<sub>2</sub>-2; ARÉ 23A22 (144), 1734-5; LB Eg. 197, 1737-40; ARÉ 23D21 (145), 1739; LB Eg. 147, gan dáta.



2005a: 64), ach is beag duine de chuid an ghrúpa—taobh amuigh de Thadhg agus de Sheán—a bhí fós ag scríobh an uair sin. Scríobh Risteard Tuibear cóip nach bhfuil againn de *Sanasan no Focloir Nua* Mhíchíl Uí Chléirigh sa bhliain 1742, agus bhí Tadhg fós ag cur lena chuid lámhscríbhinní, cé gur beag obair a rinne sé tar éis 1741. Scríobhadh an bhreacadaíl is déanaí atá againn óna láimh sa bhliain 1752, agus ní fios cá fhad a mhair sé ina dhiaidh sin.

Ghraf Aodh Ó Maoil Mhuaidh (*fl.*1718-35) cuid de *Annála na gCeithre Máistrí* don Dr Seán Ó Fearghusa (*ob.c.*1761) idir na blianta 1734 agus 1735.<sup>743</sup> Sna 1730í déanacha, bhí Aodh Ó Dálaigh ag saothrú leis. Tchíonn muid é ag scríobh i dteach carad, Tomás Mac Con Choilligh (*fl.*1736-48), sa chathair sa bhliain 1736,<sup>744</sup> agus bhí sé ag brath ar lámhscríbhinn leis an duine céanna an bhliain dár gcionn; deir Aodh linn sa lámhscríbhinn sin go raibh cónaí ar Thomás sa ‘Lán’ Cladach’ gar do Shr. Thomáis i bparóiste San Cairíona.<sup>745</sup> Sa bhliain chéanna, i mí Dheireadh Fómhair 1737, ghráf Proinsias Ó Raghallaigh [2] éigin cuid de ghraiméar Uí Maoil Chonaire i Sr. Thomáis i mBaile Átha Cliath. Bhí Proinsias Ó Maoil Dhúin (*fl.*1739-56) (*Mulloone* i mBéarla) socraithe faoi i Sr. an Droichid sa bhliain 1739, nuair a thosaigh sé a scríobh na chéad choda de LB Eg. 166; tá istigh lena chóip cuid den eiseamláir a bhí roimhe agus é á scríobh—lámhscríbhinn a ghráf John Flannary éigin sa bhliain 172<sup>6</sup>/<sub>7-7</sub>, agus dhealródh sé ó nóta ar an gcuid seo gurbh é Proinsias a thug an bhlogh seo leis óna bhaile dúchais—‘... Barony of Cloundarla and Parrish of Killmihill’ i gCo. an Chláir.<sup>746</sup> Cuireadh an lámhscríbhinn i gcrích sa bhliain 1740.

Blogh eile ó láimh Phroinsias is ea í MN C113 (*j19*), a grafadh ar an 6 Márta 1743.

<sup>743</sup> CT H.2.9-10 (1300). 2 iml. Scríobh Aodh Ó Maoil Mhuaidh cuid de CT H.3.12 (1331) dó fosta; tá an chuid eile di i láimh Mhuiris Uí Ghormáin. Ceannaíodh CT H.3.12 (1331) ag ceant leabhar Uí Fhearghusa; féach an tagairt a dhéantar don lámhscríbhinn in O’Sullivan (1976: 248).

<sup>744</sup> CT H.5.18 (1390); féach an nóta ar lch 1. Tá giota nó dhó sa lámhscríbhinn nach bhfuil i láimh Aodha, agus is féidir gurbh é Tomás a ghráf iad.

<sup>745</sup> CT H.6.3 (1406).

<sup>746</sup> Féach an t-eolas a thugtar sa *B.M. Cat.*, ii, 419.

Bhí scoláirí Muimhneacha eile ag obair leo san ardchathair faoin am seo—cuirim san áireamh Seán Ó Laochadh (*fl.*1740-55), a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní sa chathair idir 1740 agus 1747, agus b'fhéidir ina dhiaidh sin, óir tá ábhar ina láimh a grafadh chomh mall leis an mbliain 1755.<sup>747</sup> Dealraíonn sé gur fhill sé ar a chúige féin, agus gur thug sé leis cuid mhaith dár scríobh sé.

Is spéisiúil go bhfuil Aodh Ó Dálaigh, scríobhaí a bhaineann le Leath Chuinn, agus a thugadh Ó Dálaigh Fionn air féin scaití, le feiceáil i gcomhluadar cuid mhaith de na scríobhaithe Muimhneacha a bhí lonnaithe sa chathair an uair sin, ní a mheabhraíonn dúinn a éagsúla ó scríobhaithe ceantar eile atá lucht Bhaile Átha Cliath.

Lámhscríbhinn iontach spéisiúil is ea í an dara cuid de LN G32, sa dóigh go gceanglaíonn sí le chéile Aodh, Tomás Mac Con Choilligh, agus Proinsias Ó Maoil Dhúin. Ní lú is ábhar iontais cuid de na téacsanna a fhaigheann muid inti: giota le Philip Ministéir, cóip de 'Beatha Chaoimhghin' a scríobhadh ar fhoréileamh Aodha agus Thomáis, agus ar cuireadh tús léi ar an 21 Eanáir 174<sup>8</sup>/<sub>9</sub>,<sup>748</sup> srl., ó tharla go bhfuil cuid mhaith giotaí uathúla inti a bhfuil fáil orthu i lámhscríbhinní a grafadh i Ráth Tó i gCo. na Mí deich mbliana ina dhiaidh sin—féach ARÉ 23K24 (59), lámhscríbhinn a ghraf Labhrás Mhac Con Allaidh sa bhliain 1765 ach go háirithe.<sup>749</sup> Caithfidh sé go raibh aithne mhaith ag Aodh Ó Dálaigh ar Dháibhí Ó Maoláin (*Mullan* i mBéarla) fosta, scríobhaí a chaith cuid mhaith ama i mBaile Átha Cliath. Chomh fada siar leis na blianta 1721 agus 1722, bhí eisean agus Muircheartach Ó

---

<sup>747</sup> Thug Ó Macháin (1987: 59 *n.*5) liosta de lámhscríbhinní an scríobhaí mhaith seo, agus ceartúchán san *N.L.I. Cat.*, xi, 59.

<sup>748</sup> LN G32, lch 133.

<sup>749</sup> Féach LN G32, lgh 79 [= ARÉ 23K24 (59), lch 83]; lch 80 [= lch 83a]; lch 133 [= lch 35]; lch 144 [= lch 70]; lch 187 [= lch 32]. Féach fosta go bhfuil cuid mhaith den ábhar céanna in CT H.4.4 (1346). Deir O'Rahilly (1952: 15) go bhfuil na cóipeanna den 'Síogaidhe Rómhánach' atá in ARÉ 23K24 (59) agus LN G32 cosúil lena chéile, agus tugann sí grúpa D orthu ina heagrán siúd. Maidir le lámhscríbhinní eile a bhfuil cosúlachtaí idir iad agus LN G32, féach an *N.L.I. Cat.*, ii, 37.

Maoláin ag grafadh lámhscríbhíne,<sup>750</sup> ach is mó a chuimhnítear ar Dháibhí mar dhuine de na scríobhaithe a bhí fostaithe ag an Dr Francis Stoughton Sullivan sna 1740í.<sup>751</sup>

Ba dhóigh le Mac Giolla Phádraig (1976: 8) go bhfuair an tArd-Easpag Seán Mac an tSaoir cuid den scolaíocht a cuireadh air i dteach Thaidhg Uí Neachtain, agus tá agann trí lámhscríbhinn a ghraf sé in aois a óige, idir na blianta 1744 agus 1746, mar aon le roinnt leabhar Gaeilge eile; lámhscríbhinní Ultacha a bhformhór. Deirtear gur chléireach i séipéal Lána Mhuire tráth é Muiris Ó Gormáin, áit a raibh Seán ina shagart sula ndearnadh Easpag de. Is dóigh go raibh aithne éigin ag Muiris ar an Ard-Easpag Pádraig Mac Síomóin, an té a raibh Seán Mac an tSaoir ina chomharba air, nó go ndearna Muiris iarracht mhaith chun na críche sin: cheap sé dán molta air.<sup>752</sup> Bhí aithne phearsanta ag Seán agus ag Cathal Ó Conchubhair, duine de phátrúin Mhuiris, ar a chéile.

Nuair a shroich Muiris Ó Gormáin an ardchathair am éigin roimh dheireadh na bliana 1752,<sup>753</sup> ba é Aodh Ó Dálaigh an scríobhaí ba mhó le rá i gcathair Bhaile Átha Cliath, de réir a liacht lámhscríbhinní a chuir sé uaidh don Dr Francis Stoughton Sullivan sna blianta beaga roimhe sin. D'fhostaigh an Dr Sullivan Aodh, a bhí ag cur faoi i mBaile Átha Cliath ón uair a bhí scoil Thaidhg Uí Neachtain faoi lán seoil,

---

<sup>750</sup> ARÉ 23D30 (512). I Sr. na Caorach a scríobhadh í.

<sup>751</sup> Scríobh Dáibhí an lámhscríbhinn sin ARÉ 23D30 (512) idir na blianta 1721 agus 1722 [i bpáirt le Muircheartach Ó Maoláin], cuid de CT H.1.12 (1286), agus CT H.5.19(5, 8) (1391) [? c.1742]. Chuir Aodh Ó Dálaigh CT H.1.12 (1286) i gcrích, agus tugann sé 1742 mar dháta dúinn, ach is doiligh a rá cá huair a scríobh Dáibhí a chuid di. Tá roinnt lámhscríbhinní a bhaineann leis an tréimhse c.1740 – c.1750 atá scríofa i stíl peannaireachta nach fada í ó láimh Dháibhí. Ar na lámhscríbhinní seo, áirím ARÉ 24L35 (61), ARÉ 24L28 (814), agus MN R73, a grafadh sa bhliain 1748. Ní thoghfaínn a áiteamh gurbh é Dáibhí a scríobh iad uilig, áfach. Tá cosúlachtaí áirithe idir stíleanna Dháibhí Uí Mhaoláin agus Phroinsias Uí Raghallaigh [2].

<sup>752</sup> Tá an dán i gcló in Mac Cathmhaoil (2013: 126-33), agus nóta ar an Ard-Easpag Pádraig Mac Síomóin aige (Mac Cathmhaoil 2013: 203).

<sup>753</sup> Pléadh beatha Mhuiris Uí Ghormáin go cumasach agus go mion in Ní Mhunghaile (2009a) agus in Mac Cathmhaoil (2013). Féach fosta O'Sullivan (1976), áit ar cuireadh mórán nótaí ar lámhscríbhinní Aodha Uí Dhálaigh agus Mhuiris Uí Ghormáin le chéile, mar aon le nótaí ar an Dr Francis Stoughton Sullivan. Tugtar cuntas ar Mhuiris Ó Gormáin i gCaib. 2.172.

d'fhostaigh sé Aodh idir na blianta 1742 agus 1761, go bhfios dúinn, agus is ábhar spéise go raibh cuid de na lámhscríbhinní a chóipeáil sé don Dr Sullivan á láimhseáil ag lucht scoil Thaidhg tríocha bliain roimhe sin. Tá ann go fóill, mar shampla, deascán maith sleachta a scríobh Aodh as an seanleabhar meamraim LB Add. 30512 sna 1740í agus sna 1750í; thig linn a chur leis sin LB Eg. 136; autograif na scéalta rómánsaíochta a thiontaigh Maghnus Ó Domhnaill ón Spáinnis; LB Eg. 1782; lámhscríbhinní a bhaineann le muintir Raghallaigh agus leis an Tuaisceart trí chéile; agus mórán eile. Chomh fada agus is eol dúinn, ba é an Dr Seán Ó Fearghusa an chéad phátrún a bhí ag Muiris i mBaile Átha Cliath, an té dár ghráf sé lámhscríbhinn mhór sa bhliain 1752, agus giota nó dhó eile. Níltear cinnte cén bhliain a bhfuair an Dr Ó Fearghusa bás go díreach, *c.*1761, is dóigh,<sup>754</sup> ach thosaigh Muiris a obair don Dr Sullivan, pátrún Aodha Uí Dhálaigh, am éigin i dtreo dheireadh na bliana 1763. Rinne sé an-iarracht, ba dhóigh leat, aithne a chur ar mhaithe agus lucht liteartha na hardchathrach—chomh daith agus ab fhéidir leis—ar theacht chun na cathrach dó, agus níor leasc leis a chuid scileanna a mhóradh i bhfógraí poiblí. I ndiaidh bhás an Dra Sullivan, ghlac sé chuige cuid mhaith pátrún, Charles Vallancey, Charles O'Conor, an Chevalier O'Gorman; ba é an scoláire Gaeilge deiridh a thug ioncam dó Henrí Mac an tSaoir, an té a fuair seilbh ar chuid mhaith de chnuasach mór lámhscríbhinní Mhuiris faoi dheoidh, cé go raibh cuid acu idir lámha ag Seán Tancart ó 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane], Baile Átha Cliath, agus ag Bryan Dornin, díoltóir leabhar, sna 1790í. Níorbh é Muiris an t-aon scríobhaí Ultach a bhí ag obair sa chathair an uair sin, má ba eisean an duine ba thábhachtaí agus an té ar mhó éileamh air an uair sin.

---

<sup>754</sup> Féach nóta 2790.

Duine de na scríobhaithe eile ab ea é Labhrás Ó hArann, mac le Siúdhan Ní Luinín, a shíolraigh ó cheann de na teaghlaigh liteartha ab fhearr sa Tuaisceart. Iníon le mac mic le Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín a bhí inti, an Giolla Phádraig a bhí ina ollamh Mheig Uidhir sna 1630í, is a thug cuidiú do na Ceithre Máistrí agus iad ag cur a leagain den ‘Leabhar Gabhála’ le chéile sna míonna deiridh den bhliain 1631. Ghraf Labhrás lámhscríbhinní ilghnéitheacha ó 1777 go 1809 [? 1799] san ardchathair; is iad na ginealaigh cháiliúla atá sa cheann deiridh acu, *Geinealaighe Fearmanach*, a baineadh as seanleabhair ar cuireadh codanna díobh le chéile tar éis 1712, ach ní i bhfad ina dhiaidh sin. D’fhéadfaí Éadbhard Ó Troighthe a áireamh leis; scríobh sé leabhar urnaithe, LB Eg. 193, ar cosúil gur baineadh a ábhar as lámhscríbhinn de chuid scoil Thaidhg Uí Neachtain, agus is féidir gurb ionann é agus an scoláire nó léitheoir lámhscríbhinní úd ‘Mr. Troy’ a luaitear i liosta scoláirí Gaeilge ó Bhaile Átha Cliath. Scoláire eile de chuid na cathrach, Peadar Ó Conaill, a chuir le chéile é am éigin idir c.1790 agus c.1794.<sup>755</sup> Ar na hainmneacha eile ar an liosta tá ‘M<sup>r</sup> Edward O’Reyley Mill street N<sup>o</sup> 11’, sin Edward O’Reilly, a raibh cónaí air in New Street chomh mall le 1809,<sup>756</sup> agus ‘Mr. Wright an Irish scholar’, an bailitheoir lámhscríbhinní sin, Henrí Mac an tSaoir. Duine den bhuíon scoláirí Muimhneacha a tháinig chuig an ardchathair ab ea é fear an liosta sin, Peadar Ó Conaill, agus is iad an bheirt eile ba mhó le rá Seághan Mac Con Mara [John McNamara] (*ob.*1822) agus Tadhg Ó Flannagáin [Theophilus O’Flanagan] (*ob.*1814). Bhí, ar ndóigh, roinnt scríobhaithe dúchasacha ag obair sa chathair isteach sa 19ú hAois: Seán Ó Cléirigh, Nioclás Ó Cearnaigh, agus Brian Mag Oireachtaigh; ba é an

---

<sup>755</sup> Is doiligh dáta cruinn a leagan ar an liosta seo, nár cuireadh i gcló go fóill, ach is ábhar spéise nach luaitear Muiris Ó Gormáin ann ná Charles Vallancey, a d’imigh go Co. Chorcaí sa bhliain 1790. Tá ‘Mr. Wright’ luaite ann, ní a ligeann dúinn a rá gur cuireadh le chéile é am éigin roimh c.1794. Tá an liosta in MN C112, ff. 4-4v, agus cóip de in Aguisín 16 thíos, áit a bpléitear dáta báis Mhuiris Uí Ghormáin [? am éigin idir 1788 agus 1796].

<sup>756</sup> Féach an nóta a chuir sé le MN B12 ar an 1 Lúnasa 1809.

duine ba ghníomhaí acu ó thaobh fhoilsiú litríocht na teanga de Seághan Ó Dálaigh (1800-1878), an díoltóir leabhar ó Shr. Anglesea a d'fhoghlaim ceird an scríobhaí in aois a óige. Cíoradh a bheatha agus a chuid oibre go cumasach in Ó Drisceoil (2007), áit a léirítear a thábhachtaí is a bhí sé mar bhailitheoir, mar dhíoltóir agus mar fhoilsitheoir ábhar lámhscríofa. Taobh amuigh de Sheán Ó Cléirigh agus a mhac, is doiligh cuid mhaith den ghlúin deiridh scríobhaithe a áireamh mar scríobhaithe dúchasacha. Ní hé seo an áit cheart le féachaint ar obair na scríobhaithe sin, ná ar obair na gcumann Gaeilge—cumainn ar nós an *Gaelic Society*, a bunaíodh sa bhliain 1806, agus a d'fhostaigh 'cléireach', James Woulff, le lámhscríbhinní a chóipeáil. Baineann an obair sin le réimse eile i gcúrsaí léinn na Gaeilge, cé gur doiligh an líne a tharraingt amanna, agus b'fhearr aghaidh a thabhairt ar lámhscríbhinní an cheantair eile a d'imir tionchar ar lámhscríbhinní an Tuaiscirt, na leabhair Ghaeilge a cuireadh le chéile in áiteacha difriúla in oirthear Chúige Chonnacht.

#### **1.4.6.2. Cúige Chonnacht**

Agus é ag trácht ar na scéalta rómánsaíochta, deir Bruford (1969: 47) i dtaobh an ábhair a d'fhág scríobhaithe Chonnacht agus Bhréifne againn,

A majority of fifteenth- and sixteenth-century Irish MSS. seem to come from North Connacht and South-west Ulster, from an area about fifty miles in radius surrounding Sligo. This may be partly due to the destruction of MSS. from other more troubled areas: but this was the home of many important families of scribes and poets, and later of the Four Masters, whose work, and that of disciples like Dáibhidh Ó Duibhgeannáin, preserved much written material of all sorts through the war-torn seventeenth century.

Ní contrártha an méid seo dá ndeir Ó Muraíle (2004) faoina thábhachtaí agus a bhí scríobhaithe agus scoláirí Chonnacht agus Iardheisceart Uladh sna haoiseanna sin, ach má ba ea go raibh an cúige sin chun tosaigh an uair sin, ba ghrod an deireadh a

tháinig leis an traidisiún sin de réir mar a théann muid isteach sa 17ú hAois. Agus é ag trácht níos faide isteach sa leabhar céanna ar na lámhscríbhinní atá againn ón gcúige sin a grafadh i ndiaidh 1650, deir Bruford (1969: 57-8),

In Connacht scribes seem to have been very few: by 1709 Roderic O'Flaherty, the last representative of the school of the Four Masters, was said to have lost all his Irish MSS., and very few MSS. of romances are known from Connacht after that: most of those that survive were written by or for Charles O'Connor of Belanagare, and probably remained in his own library. The MSS. which have been written in more recent years in Co. Galway are all of songs or tunes, noted in various home-made manners not connected with the old scribal tradition. ... MSS. written in Munster may have been brought to other provinces by the scholars who visited the Munster hedge schools ...

Is féidir ainmneacha scoláirí agus scríobhaithe a bhí lonnaithe i gCúige Chonnacht a sholáthar gan dua, áfach, ach cloífear thíos go príomha leo siúd amháin a raibh ceangal éigin acu le scríobhaithe an Tuaiscirt. Bunaíodh cuid mhaith den eolas a thugtar anseo ar an alt tábhachtach le Nollaig Ó Muraíle (2004) a luadh thuas. Déantar plé ar lámhscríbhinní Gaeilge Cho. na Gaillimhe in Mahon (1996). Taobh amuigh de na scoláirí móra ar nós Uí Fhlaitheartaigh, agus mhuintir Dhuibhgeannáin, iad siúd agus An Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh ach go háirithe, tá againn cúpla lámhscríbhinn a ghraf 'gnáthscríobhaithe' sa chúige, is é sin, scríobhaithe ar cosúla a gcuid saothar leis an gcineál lámhscríbhinní a bhí á ghradh in Oirialla faoi thús na 18ú hAoise. Is fiú aird ar leith a thabhairt ar Thadhg Ó Rodaighe (*ob.*1706), scoláire a áirítear leis an mbuíon deiridh scríbhneoirí i ndán le Seán Ó Gadhra, ní atá i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 574,

Ruadhri Ó Flaithbheartaigh scathmhúire an léighinn  
Tadhg Ó Roduighe scoluidhe tréitheach  
Is Seán Ó Gadhra nár sháruigh éan-stair  
I Laidin i Scoitic ioná i mBéarla.

Sínithe, nótaí gearra mínithe agus gluaiseanna is mó a d'fhág síorbhuairreamh na haimsire againn de shaothar Thaidhg Uí Rodaighe, ach tháinig slán, ar an dea-uair, trí lámhscríbhinn le Muiris Ó Nuabha agus le hAodh Ó Dálaigh<sup>757</sup> ina bhfuil cóipeanna de chuid mhaith den fhilíocht a cumadh ar Thaidhg Ó Rodaighe, ar a bhean, Fionnghuala Nic Con Mara, agus ar bhaill eile dá muintir. Chomh fada agus a bhaineann obair na scoile sin le scríobhaithe an Tuaiscirt, bhí sé mar dheathoradh air seo gur spreagadh filíocht nua a chumadh ar an tseanstíl go príomha, ní a choinnigh an seantraidisiún beo, go pointe éigin, isteach sa chéad chúpla bliain den 18ú hAois in oirthuaisceart Chonnacht agus i ndeisceart Uladh. B'fhilí de chuid an Tuaiscirt, mar a míníodh an téarma sa réamheolas, iad an bheirt fhilí ba mhó saothar sa scoil, sin Peadar mac Fhear Feasa Uí Maoil Chonaire (*fl.*1680-1701) agus Éamonn Ó Caiside (*fl.*1676-1704); ba as Co. Liatroma do Pheadar, agus dála Éamonn, a bhí ina lia i dtús a shaoil, is dóigh gur saolaíodh cuid dá shinsir i gCo. Fhear Manach. An sliocht sin de mhuintir Fhearghusa a bhí lonnaithe i Ros Inbhir ar an teorainn idir Co. Liatroma agus Co. Shligigh, choinnigh Hugh O'Fergus, comharba deiridh Ros Inbhir, deirtear, greim ar chóip de 'Beatha Maodhóige' isteach sa 19ú hAois, agus bhí sí fós aige sa bhliain 1836 nuair a chonaic Seán Ó Donnabháin aige í. Bhain an Dr Seán Ó Fearghusa (*ob.c.*1761) ó Shr. Jervis, Baile Átha Cliath, leis an teaghlach céanna, agus bhí cnuasach maith lámhscríbhinní aige a cuireadh ar ceant sa bhliain 1766, cuid acu scríofa ar mheamram. D'iarr sé ar an scríobhaí mór le rá, Muiris Ó Gormáin, sa bhliain 1752 'Trí Biorghaoithe an Bháis' a scríobh dó sa chathair, agus, cibé duine a chuir ar fáil í, bhí Muiris ag tarraingt ar lámhscríbhinn a ghráf Séamus Ó hEinneirghe i gCo. Mhaigh Eo sa bhliain 1706.<sup>758</sup> Dhealródh sé gur Chonnachtach eile a bhí suas sa chéad leath den 18ú hAois é Domhnall Ó Maoil Ridhéin (*fl.*1713).

<sup>757</sup> ARÉ 23L24(1) (1007), CT H.1.14 (1288), agus CT H.6.15 (1419).

<sup>758</sup> Féach na colafoin a chóipeáil Muiris isteach ina lámhscríbhinn, LN G333. Féach fosta ÓR 40, cóip den saothar céanna atá i láimh an Ath. Séamus Ó hEinneirghe, ach le dátaí eile uirthi.



Ní fios lámhscríbhinn óna lámh féin a bheith againn, ach tháinig anuas chugainn dhá lámhscríbhinn bheaga a ghráf Seon Mhac Solaidh ó Cho. na Mí dó, an bhliain 1713 le ceann amháin acu, an dara ceann gan dáta.<sup>759</sup> Éiríonn na samplaí níos teirce tar éis 1720, ach is eol dúinn gur leanadh de lámhscríbhinní a ghráfadh i gcúpla dúiche, agus go raibh ceangal ag cuid de na scoláirí le scríobhaithe an Tuaiscirt. Duine tábhachtach eile ab ea Héinrí Mac Carraic (*fl.*1701-8), a rinne cóip de ghinealaigh an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh, ag tosú sa bhliain 1701, agus tá plé mion ar a chuid oibre in Ó Muraíle (2004: 75-7; 2016).

Ar na scríobhaithe seo, thig linn Uilliam Ó Cearbhaill (*fl.*1723-5) ó Cho. na Gaillimhe a lua, agus Seán Ó Catháin (*fl.*1722-9),<sup>760</sup> a d'fhág againn dhá lámhscríbhinn. Saothar tritheangach atá i gceann acu, agus scríobhadh an ceann eile i gCluain Ó Muirín (Cluain Mór faoi láthair) sa chontae céanna. Tháinig triúr de na scoláirí Gaeilge ba mhó in Éirinn san 18ú hAois ó Cho. Ros Comáin: Seán Ó Neachtain (*ob.*1729), a mhac Tadhg Ó Neachtain (*c.*1671-*c.*1752),<sup>761</sup> agus, ar ndóigh, Cathal Ó Conchubhair (1710-1791) nó Charles O'Conor. I measc na scríobhaithe a bhí ag cuidiú le Charles ina chuid oibre, bhí ——— Brennan éigin, duine ón gcomharsanacht sin, is dóigh. Is féidir gurb ionann é agus an Michael Brennan (*fl.*1794-7) ó Lios Gobáin sa chontae sin a bhí ina scríobhaí, an té a cheap dán fada ar an tSionainn sa bhliain 1794.<sup>762</sup> D'fhág an duine seo againn liosta de na scoláirí Gaeilge a bhí ar eolas aige, agus de na hainmneacha a luaitear ann, is doiligh aon duine acu a cheangal le lámhscríbhinní atá againn sa lá atá inniu ann. Is eol dúinn

---

<sup>759</sup> Féach an cuntas ar Sheon Mhac Solaidh i gCaib. 2.102.

<sup>760</sup> ARÉ 23G4 (679) agus LB Eg. 184.

<sup>761</sup> Deirtear amanna gur saolaíodh Tadhg Ó Neachtain i gCo. na Mí, ach is le Co. Ros Comáin a bhaineann a shinsir.

<sup>762</sup> In eagar in Ó Tuathail (1948-52).

gur scriosadh cuid mhaith lámhscríbhinní i gCúige Chonnacht fosta, mar a mhíníonn Bruford (1969: 58) dúinn,

Certainly there are accounts of MSS. circulating in Connacht in fairly recent times, whether they were Munster ones, older local ones, or home-made song-books. No doubt many were worn to shreds or carried to America, and never reached the libraries. Seán Mac Giollarnáth gives a typical account: “We meet people who have seen their elders with a ‘whole boxful’ of books in Irish, but not one of these books is to be found today.” ... Canon Ulick J. Bourke’s essay in [ARÉ] 12 Q 13 [(1126)] implies that manuscripts circulated in Connacht...

Tá roinnt lámhscríbhinní eile Connachtacha a scríobhadh i rith na 18ú hAoise ar coimeád i leabharlanna éagsúla go fóill. Scríobh Séamus Ó Síoda—nó James Silk i mBéarla—cnuasach beag dánta cráifeacha sa bhliain 1730.<sup>763</sup> Deir sé linn go raibh sé 17 mbliana d’aois nuair a scríobh sé iad, agus cé nach bhfuil na téacsanna atá inti neamhchoitianta, is ábhar spéise go bhfuil nóta sa lámhscríbhinn ó láimh ‘James Sheedy’ ó Bhaile an Chláir i gCo. na Gaillimhe, an duine céanna nó duine dá lucht cumainn, b’fhéidir. Dhealródh sé ó na foirmeacha teanga atá ina chuid den lámhscríbhinn gurbh as Leath Chuinn do Shéamus, murarbh i gCo. na Gaillimhe féin a rugadh é. Tá an chuid deiridh den lámhscríbhinn sin, CT H.4.30 (1371) ar cuid de chnuasach Sebright í, i láimh ar beag idir í agus an stíl a chleachtaíodh cuid mhaith scríobhaithe de chuid uachtar Cho. na Mí sa chéad leath den 18ú hAois, agus is féidir gur gaire í do stíl Phádraig Uí Raghallaigh [1] (*fl.*1722-35) ná éinne eile. D’fhéadfadh sé gurbh é Pádraig Ó Raghallaigh [1] a scríobh—agus is eol dúinn gur shroich lámhscríbhinní de chuid a chomharsan, Seon Mhac Solaidh, Cúige Chonnacht an uair sin—ach ní féidir a bheith deimhnitheach de sin. Cibé acu atá an dá chuid seo den lámhscríbhinn lena chéile le fada an lá, nó a cuireadh le chéile iad

---

<sup>763</sup> CT H.4.30 (1371). Níor scríobh Séamus Ó Síoda ach an chéad chuid, lgh 1-26. Tá an chuid eile i láimh scríobhaí anaithnid, mar a dúradh thuas.

go gairid sular shroich siad Coláiste na Trionóide, ní féidir a rá. Is spéisiúil—ar scáth a ndúradh thuas faoin gceangal a bhí ag Seon Mhac Solaidh agus baill eile de chiorcal Thaidhg Uí Neachtain le scríobhaithe Chonnacht—lámhscríbhinn Chonnachtach a fháil agus í ceangailte le hiarracht ar dóigh gur as Co. na Mí di.

Na lámhscríbhinní úd a scríobhadh ar ‘various home-made manners’ dá dtagraíonn Bruford thuas, is sampla maith dá gcineál í LN G473, lámhscríbhinn a ghraf Liam Ó hOisín san *English character* i gCo. na Gaillimhe; i gcead dá ndeir Bruford, bhí cúpla scríobhaí ag grafadh lámhscríbhinní sa chéad leath den 19ú hAois in áiteacha difriúla i gCúige Chonnacht ar gaire iad don seantraidisiún. Is eol dúinn go bhfuil fás le sonrú ar líon na lámhscríbhinní a tháinig slán ó Chúige Uladh agus ón Mí thart faoin am seo, agus gur bunaíodh cuid mhaith scoileanna de chuid an *Irish Society* i gCúige Chonnacht sna 1820í fosta.<sup>764</sup> Duine acu siúd ab ea é John Price (c.1799–), b’fhéidir, a bhí ag grafadh lámhscríbhinní i gCo. Shligigh sa bhliain 1819, agus a chuaigh go Droichead Átha le scoil a bhunú ann sa bhliain 1821.<sup>765</sup> Ba den seantraidisiún fosta cuid de na scríobhaithe a lean den chóipeáil i gCo. Ros Comáin, Joseph Read (fl.1815)<sup>766</sup> ó Thearmann Bearaigh, Éamonn Ó hEarchadha (fl.1817),<sup>767</sup> agus scríobhaithe eile nach bhfuil toradh a saothar againn, is dóigh. Bhí ceangal iontach láidir ag Éamonn Ó hEarchadha le Séamus Ó Fearghail [2] ó Cho. an Longfoirt, mar is follas ó ARÉ 23Q18 (573), lámhscríbhinn ar baineadh a hábhar as

<sup>764</sup> Bhí cuid acu ina scríobhaithe; féach na tagairtí in de Brún (2009).

<sup>765</sup> HUL Ir. 19, lámhscríbhinn a ghraf ‘Eoin Uí Mpríosáin’ (al. John Price) i gCaiseal Buí, Co. Shligigh. Tá tagairtí don scoil sin faoi ainm John Price in de Brún (2009: 426-7). Is féidir nár Chonnachtach é ar chor ar bith—agus b’fhéidir gur cheart eisean a áireamh i gCaib. 2 mar Mhíoch, óir ullmhaíodh é faoi stiúir an *Kildare Place Society* le bheith ina mháistir sa Chill Mhór, Co. na Mí, idir an 11 Iúil 1817 agus an 3 Meán Fómhair 1817, agus gan é ach 18 mbliana d’aois. Bhí sé sa Chaiseal Buí i bparóiste an Teampaill Buí, Co. Shligigh, idir 1819 agus 1820, áit ar ghraf sé an lámhscríbhinn sin. Luann de Brún (2009: 427) gurbh ann a rugadh Tadhg Ó Coinnialláin, an té a mhol don chumann go gceapfaí ina mháistir i nDroichead Átha é sa bhliain 1821. Ó mhí an Mheithimh 1821 go dtí an bhliain 1823, bhí sé ag teagasc i nDroichead Átha, agus bhíothas ar tí é a chur chuig scoil eile i gClochar, Co. Lú, nuair a chuir Lady Balfour, Townley Hall, Co. na Mí, tuairisc mhífhabhrach chuig an *Irish Society* ina thaobh. Bhí sé i Mala, Co. Chorcaí sa bhliain 1830.

<sup>766</sup> Ghraf sé COBÁC F30.

<sup>767</sup> Tá an chuid is mó de ARÉ 23Q18 (573) agus ARÉ 23M6 (333) ina láimh.

lámhscríbhinní eile ar nós ARÉ 23O35 (55) agus ARÉ 23E7 (56) le Brian Ó Fearghail (1715-c.1788).<sup>768</sup> Scríobhaí an-tábhachtach ó Bhaile Átha Luain ab ea é Domhnall Ó Molomhna nó Daniel Malone (*fl.*1828-38), a d'fhág cúpla cnuasach maith de dhánta Chearbhalláin againn, agus cóip mhaith de ghinealaigh an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh. Rinneadh plé ar lámhscríbhinní Cho. Liatroma cheana, agus diomaite den bheagán samplaí de théacsanna Muimhneacha de chuid na 18ú hAoise atá iontu, is gaire iad den chuid is mó do lámhscríbhinní an Tuaiscirt san iliomad slí. Creideann Bruford gur tháinig cuid mhaith lámhscríbhinní Muimhneacha isteach sa chúige seo ó Cho. an Chláir agus ó Cho. Luimní. Tá an chuma ar an scéal gur cheart sin dó ach b'fhearr gan tosú ar a bplé. Níl ach scagadh gasta déanta thuas ar lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge Chúige Chonnacht, agus tá go leor oibre fós le déanamh ar fhuíollacha scríofa an chúige thar aon dúiche eile, agus is fiú, mar fhocal scoir leis an gcaibidil seo, iarracht a dhéanamh míniú éigin a thabhairt ar an dóigh ar tháinig Oiriaila chun tosaigh mar dhúiche mhór liteartha ag deireadh na 17ú hAoise.

#### **1.4.7. Fás an Traidisiúin Scríofa in Oiriaila**

Is maith atá glacadh leis, in ainneoin na gcosúlachtaí agus na ndifríochtaí a mheastar eatarthu sin traidisiúin Oiriaila agus Bhréifne, gur choimeádaí go mór lucht caomhnaithe na litríochta i mBréifne ar dhóigheanna éagsúla, tharla iad a bheith faoi thionchar traidisiúin shaibhir de chuid na seanaimsire, áit nár tháinig traidisiún Oiriaila i mbarr a réime go dtí tús na 18ú hAoise, agus gan ach an méid is lú a bheith againn dá lámhscríbhinní roimh thréimhse na Nua-Ghaeilge. Is iomaí míniú ar fhréamhacha an traidisiúin a tugadh i bhfoilseacháin éagsúla go dtí seo, agus tá liosta inspéise díobh in Ní Uallacháin (2003: 19)—idir ionaid eaglasta a bhí suite sa dúiche

---

<sup>768</sup> Féach Mac Enery (1948-52) nó an plé a dhéantar thíos ar Shéamus Ó Fearghail [2] ó Bhaile Mhatháin i gCaib. 2.164.

agus tionchar na hoiliúna a fuair lucht na n-ionad seo thar lear, srl., ach is doiligh smaoinemh ar mhíniú is mó tionchar ar chúrsaí léinn ná an teoiric gur aistrigh ‘Iárlionad an léinn’ ó áiteacha in Iarthar Uladh soir ó dheas go dtí Oiriaila de bharr eachtraí stairiúla na 16ú hAoise agus na 17ú hAoise. An coincheap seo, gurbh é ruaigeadh an phobail áitiúil as dúichí in Iarthar Uladh go hOiriaila ab ábhar, go pointe áirithe, le teacht chun cinn an traidisiúin scríbhneoireachta ann, tagann sé aníos arís is arís nuair a dhéantar plé ar stair litríocht Oiriaila. Cuireadh chun cinn é in Ó Buachalla (1969) den chéad uair, go bhfios dom, tá scoláirí eile ar nós Sheosaimh Watson (1979) tar éis baint de agus cur leis go mór; is treise a áitíonn sé gur aistrigh scríobhaithe agus a gcuid leabhar go fisiciúil go hOiriaila. Is maith a chuidíonn dáileadh geograifeach na lámhscríbhinní atá againn ó Chúige Uladh agus ó Thuaisceart Laighean leis an gcoincheap go ginearálta, is é sin, go dtagann meath ar shaothrú na lámhscríbhinní i mBréifne thart faoin am a dtagann bláthú air in Oiriaila, sin agus traidisiún na lámhscríbhinní i gCo. Dhún na nGall a bheith imithe ó thuairisc an tráth sin,<sup>769</sup> ach tá sé riachtanach ar dtús critéir éagsúla a leagan síos trína bhféadfaí an teoiric seo a mheas.

Ar dtús, ní mór dúinn a bheith deimhnitheach de cé acu is dhá fheiniméan ar leith iad fás an traidisiúin scríofa in Oiriaila agus a dhul i léig in Iarthar Uladh, nó nach beag beann ar a chéile atá. Más dóigh linn nach bhfuil i gceist ach comhtharlú, dhá fheiniméan neamhspleácha gan baint shonrach acu lena chéile, ní gá a thuilleadh airde a thabhairt ar mheath an chultúir litearthachta in iarthar an chúige ná mar a thabharfaimis, mar shampla, ar mheath na scríbhneoireachta i gCúige Chonnacht, ní a thit amach thart faoin am céanna.<sup>770</sup> Ar an taobh eile, má tá muid le glacadh leis

---

<sup>769</sup> Déarfai, b'fhéidir, nárbh fhearr do chúrsaí léinn i gCo. an Dúin agus i gCo. Aontroma faoin am céanna.

<sup>770</sup> Maidir le Cúige Chonnacht, féach Caib. 1.4.6.2.

nár chomhtharlú an dá ní seo,<sup>771</sup> caithfidh muid sé ní a leagan amach: (i) sainmhíniú soiléir ar na háiteacha idir ar tharla an t-aistriú léinn, mar aon le cuntas cruinn ar na traidisiúin scríofa a bhí iontu faoi seach roimh agus i ndiaidh an aistrithe; (ii) fráma soiléir ama inar tharla an t-aistriú seo; (iii) méid an tionchair a bhí ag an dúiche ina raibh an scríobh ag dul ó chion ar an dúiche ina raibh sé ag teacht chun cinn; (iv) nádúr an aistrithe, m.sh. cé acu is aistriú fisiciúil nó a mhalairt é; (v) na cúinsí eile ba cheannfháth leis, m.sh. aistriú na dteaghlach liteartha mar gheall ar na plandálacha nó mar gheall ar ghéarleanúint; agus (vi) critéir shoiléire trínar féidir seo a mheas go hinmheánach ó na lámhscríbhinní. Thig linn an teoiric a thabhairt mar atá sí in Ó Buachalla (1969: 7-8),

Ag deireadh an 16ú céad agus i dtús an 17ú céad is iad na ceantracha is mó i gCúige Uladh a raibh an litríocht á saothrú iontu ná Contae Dhún na nGall, Contae Fhir Mhanach agus Contae an Dúin; faoi dheireadh an 17ú céad, ámh, bhí ionad na litríochta tar éis gluaiseacht ó na ceantair sin go dtí an taobh thoir theas ar fad den Chúige.

Is mó ní, is dócha, ba chúis leis an gceantar so, seachas aon cheann eile sa Chúige, a theacht chun cinn mar cheantar mór litríochta, ach is cinnte go raibh baint ag an bplandáil leis an scéal, mar is anseo a lonnadh cuid mhaith de na daoine a theith ó Chontae an Dúin agus ó Chontae Aontroma sa 16ú céad agus ó na contaethe eile a plandáladh sa 17ú céad. Pé ní ina thaobhsan is sa cheantar so amháin, geall leis, a saothraíodh an litríocht in Ultaibh ón mbliain 1700 amach. Ó thaobh na gcontaethe de is é an limistéir atá i dtreis agam deisceart an Dúin, Contae Ard Mhacha, Contae Lú agus tuaisceart na Mí—ceantar a dtabharfadsa Oiriaila feasta air.

Is soiléir go bhfuil Ó Buachalla ag iarraidh a bheith cúramach gan a chur ina luí dúinn gur freagra deifínideach é seo ar an gceist, ach tá sé intuigthe ón méid sin gur thosaigh an t-athrú léinn thart faoi thús na 17ú hAoise ar a dhéanaí, agus go raibh sin

---

<sup>771</sup> Ionann is gur tháinig cóipeáil lámhscríbhinní chun cinn in Oiriaila as siocair scríobhaithe a bheith curtha as a n-áit dhúchais i ndúichí eile, nó go ndeachaigh siad go hOiriaila d'aon ghnó fá choinne pátrúnacht a fháil.

curtha i gcrích a bheag nó a mhór thart faoin mbliain 1700. De bhreis ar an méid seo, luann sé Co. Dhún na nGall, Co. Fhear Manach, agus Co. an Dúin mar phríomhionaid léinn sa Tuaisceart sular aistrigh sin go hOirialla, na trí chontae a gcaithfear glacadh leo mar fhoirse an traidisiúin liteartha in Oirialla, dar le hÓ Buachalla (1969), agus fágann sé an t-aistriú ar ábhair éagsúla nach luaitear ach ceann amháin acu—tionchar na bplandálacha i gCo. an Dúin agus i gCo. Aontroma sa 16ú hAois, agus na plandálacha i gcontaetha eile i gCúige Uladh a lean achrann na bliana 1607. Agus ní ceist dúinn go bhfuil gluaiseacht fhisiciúil i dtrácht aige seachas athrú i luachanna, srl., in Oirialla. Is é meabhair a bhainfí as a chuntas gurbh idir Dún na nGall agus Fear Manach ar thaobh amháin, agus Oirialla ar an taobh eile, a tharla an t-aistriú léinn. Níl sé chomh soiléir má ba mhian leis Co. an Dúin a áireamh, toisc gur cuireadh an ruaig ar chuid mhaith de mhuintir an chontae seo níos luaithe ná sin,<sup>772</sup> ach rinne sé an contae a liostú i measc na n-áiteacha inar tharla an t-aistriú léinn seo.

Is féidir cuid den eolas a chur i gcomórtas leis na hait eile, agus iarracht a dhéanamh ar thátal éigin a bhaint astu ar a bhfuil i gceist go díreach iontu. Óna bhfuil in Ó Buachalla (1969), is soiléir gur mian leis réimse leathan ama a thabhairt, sa dóigh go dtuairimíonn sé gur tharla an t-aistriú am éigin sa 17ú hAois, agus go raibh sin tagtha chun críche faoin mbliain 1700. Soláthraítear dáta i bhfad níos cruinne ná sin i gcuid de na hait eile a scríobh sé. In Ó Buachalla (1982), suíomhann sé an t-aistriú díreach ag deireadh na 17ú hAoise. Is dócha gurbh é sin an ní a bhí i dtrácht aige sa tagairt a rinne sé d'Oirialla a bheith ina chroílár liteartha ó 1700 amach i gCúige Uladh san alt thuas. An chéad scríbhneoir eile, Ó Fiaich (1970), cuireann sé i dtreis an argóint chéanna sa chéad chuid de shraith dhá alt ar fhilí Nua-Ghaeilge an Tuaiscirt ach

---

<sup>772</sup> Féach Pádraig Gruamdha Ó Siadhail i gCaib. 2.218, áfach.

amháin go ndíríonn sé ar athruithe polaitiúla a thit amach i ndiaidh phlandálacha lár na 17ú hAoise,

It is scarcely an exaggeration to say that South-East Ulster had no poetic tradition before the seventeenth century. Insofar as Ulster had a tradition of Irish learning at all before 1600, it was to be found in the west of the province rather than the east, and especially in Counties Donegal and Fermanagh. It was there that learned families like Ó Cléirigh and Mac a' Bhaird and Ó Breisleáin and Ó Caiside were to be found; it was there that notable prose works like Manus O'Donnell's *Life of Colmcille* and Lughaidh Ó Cléirigh's *Life of Red Hugh*, and *Meguidhir Fearmanach* had been penned; it was in West Ulster that outstanding poems like *Fuar liom an adhaigh-se d'Aodh* by Eochaidh Ó hEoghusa and *A bhean fuair faill ar an bhfeart* had been composed around 1600. And then quite suddenly the centre of gravity of northern learning shifts to South-East Ulster.

What was the reason for this transfer? As it occurred from the middle of the seventeenth century on, the first inclination is to give Cromwell some of the credit or blame for it. With aristocratic patrons now out of the way, the era of the professional poet and of the classical metre was at an end, and good amateurs, sometimes of non-poetic family, using the metres of the ordinary people, had therefore now a chance to break into what had up till then been virtually a closed shop. I think it is fairly obvious that the first group to do that successfully in the north of Ireland in the seventeenth century were priests—men like the Franciscan Eoghan Ó Dufaigh, Bishop Thomas Dease of Meath and perhaps the unknown author of the *Síogáí Rómhánach*. At any rate, by the second half of the seventeenth century, priests in South-East Ulster such as Fr. Tomás Mac Ruairí in County Down and Father Eoghan Ó Donnghaile in County Armagh were already writing poetry in popular metres for popular consumption.

The appearance quite suddenly of so many poets in an area which had never been noted for its learning before, leaves one with the strong suspicion however that the families to which they belonged were imports from other regions. And in fact when you examine the names they bore, not a single one among them was native to the area. The name MacCuarta has never been fully explained but it is probably derived from the earlier MacMhuirheartaigh. Actually, one manuscript attributes a poem to 'An Dall MacMhuirheartaigh.' If this is the correct origin of the name, the family probably came originally from mid-Tyrone. The surname Ó Doirnín is associated in the sixteenth and seventeenth centuries with both the West Ulster region of Fermanagh and Donegal and the East Ulster area of Antrim and Down much more than with Louth or Armagh. To pronounce the name



Mac Cumhaidh as MacCobht[h]aigh is misleading, as it suggests a relationship with the southern family of Ó Cobhthaigh, whereas in South Armagh, Louth and Monaghan the name is always pronounced MacCooey. It seems likely therefore that the name was derived from Cú Midhe or Cú Maighe, both of which forms are commonly used in medieval times among Derry families such as the O’Kanes and O’Flynns. One hopes that further research may succeed in pinpointing the territories in which these three surnames were originally found, but present indications are that they all came from a region much further north than that associated with their poetic activities in the eighteenth century.

An argóint chéanna atá i gceist anseo a bheag nó a mhór agus í siúd a thugtar in Ó Buachalla (1969), ach amháin go bhfuil cúpla athrú déanta uirthi nár mhiste a lua anseo. Ar an gcéad dul síos, mar a dúradh thuas, is fearr leis an dáta a shuíomh thart faoi lár na 17ú hAoise, i ndiaidh do Chromail a dhíobháil a dhéanamh, agus in ainneoin go ndeir sé gur cuireadh an chuid is mó de na lámhscríbhinní atá againn le chéile i gCo. Dhún na nGall agus i gCo. Fhear Manach, ní cheanglaíonn sé forbairt an traidisiúin in Oirialla go cruinn leis na cogáí in aimsir Chromail, ach leis na hathruithe a thit amach dá mbarr i gcúrsaí pátrúnachta. I dtreo dheireadh an phíosá, luann sé, áfach, gur dócha gurbh ‘imports’ iad an triúr filí ba mhó—nó a sinsir—ó dhúichí eile ‘much further north’, ach ní shonraíonn sé dúiche ar leith. Ag tarraingt ar an dá alt thuas, tugann Watson (1979: 12-13) an chéad chuntas eile air seo dúinn,

In oirdheisceart Uladh agus i dtuaisceart Laighean ba mhó a bhí an obair liteartha, idir chóipeáil agus chumadóireacht, ag dul ar aghaidh. Mar a deir an tOllamh Breandán Ó Buachalla: “is sa cheantar so deisceart an Dúin, Contae Ard Mhacha, Contae Lú agus tuaisceart na Mí amháin a saothraíodh an litríocht in Ultaibh ón mbliain 1700 amach”. Agus má bhí athrú stíle sa litríocht bhí athrú ceantair i gceist fosta, cf. Ó Fiaich: “It is scarcely an exaggeration to say that South-East Ulster had no poetic tradition before the seventeenth century. Insofar as Ulster had a tradition of Irish learning at all before 1600, it was to be found in the west of the province rather than the east, and especially in the Counties Donegal and Fermanagh ... And then quite suddenly the centre of gravity of northern learning shifts to South-East Ulster”. Tá tuairim ag na scoláirí sin gurbh é ba chúis leis an ghníomhaíocht

liteartha sa cheantar thoir theas cuid den dream a tháinig aniar agus aduaidh i ndiaidh Phlandáil Uladh agus ar lean í agus iad ag triall, b'fhéidir, ar áit a raibh ní ba mhó de mhaoín an tsaoil ag an Ghael i gcónaí ann. Fianaise sloinne is mó atá ann dó seo.

Cumasc d'ailt Uí Bhuachalla (1969) agus Uí Fhiaich (1970), mar is soiléir, atá i gceist anseo, agus an chuma air seo gurbh fhearr leis an bborradh sa litríocht a cheangal le gluaiseacht fhisiciúil pobal áirithe tar éis na bplandálacha, agus 'maoin an tsaoil' de dhíth orthu, rud a théann go measartha maith lena ndúirt Ó Buachalla (1982: 26) trí bliana ina dhiaidh sin faoin gcuspóir a bhí ag lucht liteartha na Gaeilge agus iad ag bogadh, más fíor, sa treo sin,

Towards the end of the seventeenth century the centre of gravity of Irish literary activity moved from West to East Ulster to the area lying between Lough Neagh and the Boyne. This shift has not, so far, been satisfactorily explained. Most probably there were several factors involved; but would not the presence in the area of a man of Brownlow's wealth and interests—his lands, remember, extended into Louth and Monaghan—would he not be the type of person who would attract into the areas scribes, poets and men of learning in search of patronage? He would have least have contributed ...

Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow (1645-1712) nó Arthur Brownlow atá i gceist anseo, duine den uasalaicme Ghallda a chuir spéis sa Ghaeilge. Is dóigh le Cunningham & Gillespie (1986: 30) a scríobh cuntas eile ar an bhfear céanna, áfach, nach raibh cnuasach thar a bheith cuimsitheach aige, sa dóigh nár phátrún iontach gníomhach é, cé go bhfuil sé ar eolas againn gur dhíol sé le Pádraig Mac Oghannáin as lámhscríbhinn nua a chóipeáil. Fillimis ar an gceist. Ar an gcéad dul síos, is éasca an áit ar lonnigh na scríobhaithe a shocrú gan mórán dua, toisc go mbíonn an áit chéanna, beagnach, i dtrácht ag an triúr scoláirí. Thig linn a bheith suite de, mar sin, go dtagraíonn Oiriaila do Cho. Lú, Co. na Mí, Co. Ard Mhacha, agus Co.

Mhuineacháin, mar a leagadh amach i gCaib. 1.4.1, agus is é seo, taobh amuigh de Cho. Mhuineacháin, an sainmhíniú lena ndeachaigh na scoláirí. Is féidir codanna de Cho. an Dúin a ligean isteach ar mhaithe leis an dúiche ina hiomláine a bheith i gceist. An áit ónar tháinig na scríobhaithe seo, de réir na teoirice, is doilí arís sin a shocrú—dhealródh sé go raibh sé ar chúl a n-intinne ag Ó Buachalla (1969) agus ag Watson (1979) gur thosaigh an t-aistriú seo i gCo. Dhún na nGall agus i gCo. Fhear Manach, ach téann sé in aghaidh céille ar ábhar éigin go dtosódh scríobhaithe a bhogadh as Co. Fhear Manach, áit a raibh greim measartha láidir ag muintir Mhig Uidhir uirthi, go hOiriaila, áit—de réir chritéir Uí Bhuachalla agus Watson féin—nach raibh cáil na pátrúnachta uirthi go mór agus ina raibh seasamh ní b’fhearr ag an nGall ann.<sup>773</sup> Luaitear Co. an Dúin agus Co. Aontroma sa chomhthéacs céanna, agus cé gur soiléir go raibh dúil sa léann ann suas go dtí lár na 17ú hAoise, agus nár chaill cuid den lucht léinn a dtailte ann go dtí sin, is beag aird a thugtar ar an áit seo i bhformhór na n-alt. Cuid mhaith de na teaghlaigh léannta sa dúiche seo, d’imigh siad ó thásc amach is amach, agus chuaigh cuid acu leis an bhfeirmeoireacht.<sup>774</sup> Faoin am ar scríobh Watson (1979) a leabhar, bhíothas tar éis díriú ar Bhréifne amháin mar cheantar a spreag an ghluaiseacht in Oiriaila sa 17ú hAois, mar is soiléir ó na samplaí nithiúla a thugann sé de scríobhaithe ar tháinig a muintir ón taobh sin de Chúige Uladh—níl trácht aige ar mhuintir filí ar nós Pheadair Uí Dhoirnín a bheith ag teacht anoir aduaidh ó Cho. an Dúin, nó muintir an Daill Mhic Cuarta a bheith ag teacht aduaidh ó chlár Thír Eoghain.

<sup>773</sup> Féach, mar shampla, go raibh claonadh iontach láidir ag cuid de na teaghlaigh uaisle ann taobhú leis na Gaill in am an ghátair—duine acu siúd a bhí beo thart faoi lár na 17ú hAoise ab ea é Toirdhealbhach mac Énrí Uí Néill (*ob.*1640); chaill an chéad ghlúin eile de Mhuintir an Fheadha cuid mhaith dá gcuid tailte tar éis dóibh páirt a ghlacadh i Réabhlóid na bliana 1641.

<sup>774</sup> Féach, mar shampla, an líne cháiliúil úd a scríobh Edward Lhwyd i dtaobh Eoin Uí Ghnímh ó Latharna ar casadh leis é i mí Lúnasa nó i mí Mheán Fómhair 1699, ‘we met with one Eoin Agniw ... whose ancestors had been hereditary poets, for many generations, to the family of the O Neals; but the lands they held thereby being taken away from his father, he had forsaken the Muses and betaken himself to the plow: So we made an easy purchase of about a dozen ancient manuscripts on parchment’ (Campbell 1960: 221). Féach Caib. 1.4.2.2 thuas.

Níos maille san 17ú hAois, ba dhuine de na scríobhaithe ba fhlaithiúla é Brian Mag Uidhir ó Thulaigh Mhaoil i gCo. Fhear Manach, cé nach dócha go raibh mórán pátrúnachta ar fáil ann idir na blianta 1650 agus 1700, nó is beag dár cuireadh le chéile le linn an leathchéid sin atá againn go fóill. Tá, áfach, go leor lámhscríbhinní ann—cuid acu ar stíl na seanleabhar meamraim—le tabhairt le fios nár tháinig deireadh leis an traidisiún scríofa [? agus leis na pátrúin a chothaigh é]. Is spéisiúil an ní é go bhfuil daoine ar aon sloinne leis na seanteaghlaigh uaisle tar éis dul isteach sa léann, mar a dúirt Breathnach (1932*b*: 75) faoi Chonall Mhag Eochagáin, mar aon leis na seanteaghlaigh léannta a dtagann a gcuid sloinnte aníos sna lámhscríbhinní go fóill. Is fearr, b'fhéidir, Co. Dhún na nGall mar áit tosaithe, óir bhí deireadh leis an scríobh ann ar an móróir faoin mbliain 1655, ach tá an scéal giota beag níos casta ná sin, go deimhin.

An dara ní—tá neamhionannas áirithe idir na dátaí a thugtar sna cuntais. Is soiléir gurbh ea ab fhearr le hÓ Buachalla dáta éigin i bhfíordheireadh na 17ú hAoise, ach tá a fhios againn go rabhthas ag cumadh mórán litríochta in Oiriaila chomh luath le *c.*1680—ina measc siúd a bhí sa chéad ghlúin seo tá Eoghan Ó Donnghaile (*ob.*1697)<sup>775</sup> agus Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird (*fl.*1647-89),<sup>776</sup> agus is féidir a rá go raibh Séamus Mac Cuarta (*ob.*1733), a bhain leis an dara glúin, abraimis, ag cumadh dánta chomh luath leis an mbliain 1691. Grafadh an chéad lámhscríbhinn Nua-Ghaeilge a aithnítear go mór le hOiriaila nó le hOirdheisceart Uladh, CT H.5.28 (1399),<sup>777</sup> sa bhliain 1679, agus creidtear gur scríobhadh LBO Rawl. B477 (25)

---

<sup>775</sup> Nó is féidir gurbh as Co. Thír Eoghain dó, áit nach bhfuil rófhada ó theorainneacha Oiriaila. Féach nóta 506 thuas.

<sup>776</sup> Féach nóta 564 thuas.

<sup>777</sup> Féach nóta 116 thuas.

díreach ar an teorainn le Co. Mhuineacháin agus Co. Thír Eoghain.<sup>778</sup> Is féidir Énrí Mac Ardghail, an bráthair a scríobh MN R68 i bPrág in 1663, a chur leis seo mar scríobhaí dúchasach de chuid Oiriaila. Ag dul níos faide siar arís, mar a pléadh sna nótaí ar na contaetha, tá againn leabhar urnaithe Antoin Gearnon, *Parrthas an Anma* (1645), a rugadh áit éigin sna contaetha Lú, na Mí nó Mhuineacháin: i mBaile Ghearláin Cho. Lú, is beag nach cinnte, óir deirtear gur thug sé cúl le heastát mór le dul isteach in Ord San Proinsias. Is dócha, mar sin, go mbeidh orainn an dáta aistrithe seo a bhrú siar go dtí lár na 17ú hAoise, murab é go raibh forbairt nádúrtha freagrach as an athrú ionaid seo.

Sa tríú háit, tá sé tábhachtach cinneadh éigin a dhéanamh faoi mhéid an tionchair a bhí ag an aistriú seo, más bailí é ar chor ar bith, ar an dúiche thoirtheas. Ní haon bhac é ar theoiric Uí Bhuachalla agus ar ar lean é dá nglacfaí leis go raibh traidisiún scríofa éigin in Oiriaila dá laige é roimh ré, agus nár tháinig ach an méid is lú dá shaothar anuas chugainn—ní nach dochreidte amach is amach, tharla nach mbeadh tuairisc againn ar leabhair Bhriain Mhig Uidhir (1638) murab é gur dhíol Brian Mhag Uidhir eile (1718) as a n-athchóipeáil. Seo an áit, áfach, a dtagann impleachtaí móra i gceist a bhaineann le ráiteas Uí Bhuachalla (1982), is é sin, gurbh í an phátrúnacht a thugadh leithéidí Airtiúir Mhic Airtiúir Brownlow ba chionsocair le scríobhaithe Iarthar Uladh teacht d'ionsaí orthu. Is eol dúinn gurbh ann do phátrúin dhúchasacha sa dúiche thart faoin am céanna, agus tá an chuma ar an scéal gur shean-nós dá gcuid cheana an litríocht a chothú scaití, mar a fheicfear ar ball, ní a thugann le fios dúinn go raibh lucht saothraithe filíochta—agus, de réir céille, lámhscríbhinní—sa dúiche sularbh ann don dream a deirtear a tháinig aniar aduaidh sa 17ú hAois. Tá muid tar éis a rá cheana nach ceist dúinn gur tháinig fás ar

---

<sup>778</sup> Caithfear scéal litríocht an chontae seo a phlé go mion amach anseo. Idir seo agus sin, tá cuid mhaith ábhar tugtha le chéile ag Ó Doibhlin (2000), agus cúpla nóta i gCaib. 1.4.5.3.

litearthacht agus ar chóipeáil lámhscríbhinní in Oiriaila ag deireadh na 17ú hAoise, agus gur tháinig deireadh léi, geall leis, i mBréifne c.1730—is éard is príomhchúram dúinn anseo, an méid atá intuigthe ó na trí alt thuas a léiriú, is é sin, nach dhá fheiniméan iad seo atá spleách ar a chéile agus a d'eascair ó chúinsí ar leith, ach gur toradh ar aistriú pobla(i)l meath an traidisiúin lámhscríbhinní in aon áit amháin .i. i mBréifne, agus gur toradh díreach fós air sin a theacht chun cinn sa dara háit .i. in Oiriaila, mar gheall ar na scoláirí agus baill eile den lucht léinn a brúdh amach as an gcéad áit i measc na n-inimirceach eile. Fágann sin nár mhiste dúinn eolas a sholáthar le tacú leis an teoiric seo agus le cur ina haghaidh, agus féachaint ar athruithe eile i gcúrsaí léinn in Éirinn a bhféadfadh sé go ndeachaigh siad i bhfeidhm ar fhás na litearthachta in Oiriaila.

Scéal eile ar fad teacht ar nithe sna lámhscríbhinní a chruthódh seo. Dá bhfaighimis ár mian, is éard a bheadh againn lena léiriú go raibh baint ag an aistriú pobail seo leis an gceist seo: (i) faisnéis chruinn dhoshéanta a léiríonn go raibh scríobhaithe agus daoine eile de chuid na dteaghlach léannta i mBréifne *go speisialta* ag plódú isteach in Oiriaila; (ii) gur thug siad leo, nó go raibh ar fáil in Oiriaila sna blianta a lean sin, lámhscríbhinní nó téacsanna de chuid Bhréifne; (iii) go bhfuil tionchar thraidisiún scríofa Bhréifne le sonrú (thar thionchar ceantair ar bith eile) ar lámhscríbhinní luatha Oiriaila; (iv) gur fhoghlaim sliocht na n-inimirceach léannta seo scríobh na Gaeilge nó go raibh féith na litríochta iontu, mar ba nós do na teaghlaigh léannta an litearthacht a scaipeadh ina measc féin;<sup>779</sup> agus (v) gur dócha gur fhoghlaim cuid den phobal dúchasach scríobh na Gaeilge uathu. Cinntíonn a laghad lámhscríbhinní atá againn, agus a laghad eolais atá againn faoi dhálaí scríofa na gceann atá againn, go bhfaighfear saothar mór le (i), (ii) agus le (iv) a chruthú, agus is é fírinne an scéil gur

---

<sup>779</sup> Féach, i dtaobh scríobhaithe na Nua-Ghaeilge, nóta 479 thuas.

tharla ag an am céanna ar fud na tíre athrú ollmhór sa chineál ábhair a bhí á scríobh, agus sa chineál scríobhaí a bhí á chur ar pháipéar, ní a chuireann lena chasta a bheadh sé (*iii*) a mheas. Lena rá go simplí, agus go measartha míchruinn dá bharr sin, is dóigh gur tháinig deireadh, nó geall leis, le cóipeáil cuid mhaith den seanábhar léannta (ach amháin do lucht na staire agus na seandachtaí)—tráchtas dlí, leigheas, annála, naomhsheanchas, réalteolaíocht, dinnsheanchas, téacsanna léannta diagachta, agus, ar ndóigh, filíocht na mbard; agus tagann chun cinn ina n-áit filíocht nua-aoiseach, amhráin agus véarsaíocht eile, scéalta rómánsaíochta idir shean agus nua, agus ábhar cráifeach a bhí fóirsteanach don phobal coiteann. Maidir le (*v*) thuas, dá laghad tagairtí atá ann d'ábhar Gaeilge a bheith á scríobh roimh 1650 in Oiriaila, i measc na n-uaisle ach go háirithe, is ea is fearr, má tá muid le glacadh leis an teoiric seo.

Glacann lucht na staire leis, agus tá cruthú acu ó fhoinsí éagsúla nach féidir trácht orthu anseo, gur aistrigh roinnt pobal ó cheantair éagsúla chuig Oiriaila sa 17ú hAois mar gheall ar phlandálacha a rinneadh laistiar agus lastuaidh den áit sin. Is féidir linn scríobhaithe a shocrú in Oiriaila sa dara leath den 17ú hAois agus ina dhiaidh sin, agus sloinnte ag cuid acu a shamhlófaí le teaghlaigh léannta Bhréifne, m.sh. Ó Raghallaigh. Is í an earraíocht a bhainfeadh roinnt scríbhneoirí as seo gur faisnéis láidir iad na sloinnte seo gurbh é teacht na seanteaghlach chun cónaí in Oiriaila tar éis na bplandálacha ba cheannfháth le traidisiún liteartha a theacht chun cinn ann, ach caithfear a bheith ar ár n-airdeall le leideanna den chineál seo. Sa chéad áit, tá líon na scríobhaithe a bhfuil toradh a saothar againn don 17ú hAois chomh beag sin gur doiligh aon chruth a chur orthu, agus gur baolach an ní é scéal a tharraingt ar shloinnte an dornán scríobhaithe atá ar eolas againn. Má chuireann muid an fhadhb sin ar leataobh, is fiú a mheabhrú go mbíodh, tá an chosúlacht air, filí agus scoláirí

eile ag bogadh idir na contaetha seo leis na céadta bliain, agus gur féidir go raibh craobhacha de na teaghlaigh lonnaithe in Oirthear Uladh ar bhonn seasmhach. Don tréimhse roimh dheireadh Chogadh na Naoi mBliana, dealraíonn sé go bhfuil taifead againn in *Fiants* Éilis I ar an bhfile Gaeilge, Laoiseach Mac an Bhaird, a bheith i bhFearnmhaigh, Co. Mhuineacháin, in 1601;<sup>780</sup> agus is eol dúinn ó pháipéir eile go raibh Tadhg Ó Cianáin éigin i dTúineán i gCo. Ard Mhacha sa bhliain 1602; dhealródh sé gurbh é údar an tsaothair phróis ‘Turas na nIarladh as Éirinn’ (1609), dar le Dillon, Mooney & de Brún (1969: xxv n.65). Thaispeáin Ó Tuathail (1956: 111) agus Mac Cathmhaoil (2017: 196), mar chuid den taighde a rinne siad ar mhuintir Mhic an Bhaird Oiriaila, gur dóigh nár chraobh de mhuintir Mhic an Bhaird Thír Chonaill iad, ach gur ghairé i ngaol iad do mhuintir Mhic an Bhaird Mhuine an Chasáin i gCúige Chonnacht. Léiríonn plé a rinne Ó Muraíle (2005) agus Ó Mainnín (2012) le déanaí gur féidir go raibh baill de chuid mhaith de sheanteaghlaigh ‘Bhréifne’ agus eile ag obair i dtaobh thoir Chúige Uladh nó sa Mhí i bhfad níos luaithe ná mar a measadh go dtí seo, cé nach mór an cuidiú dúinn an pictiúr lom a thugann na *Fiants* agus páipéir stáit sa dóigh sin. Is i gCo. Aontroma, Co. Mhuineacháin, agus i gCo. Thír Eoghain amháin a fheiceann muid mórán filí, srl., in Oirthear Uladh.

Tá dornán samplaí de scríobhaithe a bhfuil sloinne acu a cheanglódh iad, ar bhealach, le duichí thiar i mBréifne curtha le chéile ag Watson (1979)—is ar Pheadar Ó Gealacháin agus ar Phádraig Ó Pronntaigh is mó a dhíríonn sé, ach ní i gcónaí a bhíonn na samplaí seo chomh deifínideach agus a cheapfaí. Thig linn tosú le scríobhaí cumasach eile—Énri Ó Caiside, an dochtúir a dtuigfí óna chuid

---

<sup>780</sup> Tá na sleachta seo i gcló cheana féin ag O’Rahilly (1921-4), agus ba chóir iad a léamh taobh lena bhfuil anseo. Féach fosta an plé a rinne Mac Cana (1974) ar theacht chun cinn na dteaghlach liteartha déanach.



lámhscríbhinní gur chaith sé tréimhsí i gCo. Lú agus i gCo. Mhuineacháin ag amanna idir na blianta 1657 agus 1690 faoi seach, ní a rachadh go maith le teoiric an aistrithe fhisiciúil anseo. Rachadh, murab é gurb é an spléachadh deiridh a fhaigheann muid air é a bheith ag cóipeáil ábhar cráifeach do Bhrian Mhag Uidhir i gCo. Fhear Manach in 1703—fágtar faoin léitheoir cinneadh a dhéanamh faoinar dóigh leis a bheith i gceist anseo—(i) leid gur fhill sé ar a áit dhúchais, más fíor; nó (ii) gur scoláire é a bhí ag taisteal de shíor, cosúil leis na glúnta a tháinig roimhe. Is deimhin go raibh an-chur amach ag Énrí ar Cho. Mhuineacháin má ceapadh ina bhailitheoir cánacha ann é. Duine eile ar fiú tagairt a dhéanamh dó is ea an lia Éamonn Ó Caiside, an té a scríobh dán do thriúr de chuid Chlanna Mhathghamhna ó Cho. Mhuineacháin a maraíodh in 1691, ach fós is féidir gur chaith sé seal i gCo. Liatroma mar fhile i scoil Uí Rodaighe idir na blianta c.1689 agus 1704. Tugtar ‘file binn Fear Manach’ air i gcatálog lámhscríbhinne a cuireadh le chéile [? i gCo. Liatroma] c.1834.<sup>781</sup> An Diarmaid Ruadh mac Laoisigh [Dhuibh] Mhic an Bhaird<sup>782</sup> a bhí tosaithe ar dhánta a scríobh do mhuintir Mhathghamhna Fhearnmhaighe am éigin roimh an mbliain 1689, caithfidh sé go raibh sé ag cumadh píosaí do Chlann Aodha Buidhe roimh an mbliain 1680, nuair a cuireadh ceann acu ar pháir. Thiocthadh, mar sin, leis an bhfile Gaeilge—agus an scríobhaí fosta, má chuirtear i gcás an té a d’fhág cuid mhaith de shaothar Dhiarmada Ruaidh againn, Pádraig Mac Oghannáin—a bheith ina scoláire taistil chomh mall leis an dara leath den 17ú hAois. Is amháin nuair a théann muid isteach san 18ú hAois a tchíonn muid scríobhaithe ar nós Sheoin Mhic Sholaidh ag scríobh beagnach i gcinnteacht san áit chéanna. Beidh a fhios ag an té a léigh na leathanaigh roimhe seo ar stair na gcontaetha féin gur

<sup>781</sup> ARÉ 24P29 (1074), lgh 424-7. An tagairt ar lch 427 col. b. Tá ceangal an-láidir ag ábhar na lámhscríbhinne seo lena bhfuil in BCM 11, COC T<sup>1</sup>37 (37), agus LN G436, a scríobhadh uilig i gCo. Liatroma. Níl an dán in aon cheann de na lámhscríbhinní seo.

<sup>782</sup> Féach Hughes (1987a: 66 n.23), nóta 564 thuas, agus na nótaí ar Cho. Mhuineacháin i gCaib. 1.4.1.3 thuas.

doiligh na lámhscríbhinní a cheangal le contae amháin nó eile sa dara leath den 17ú hAois, agus nach bhfuil ach scór acu ar fáil dúinn.

In ionad trácht ar an dóigh ar scaipeadh sloinnte trí Oirthear Uladh agus trí Thuaisceart Laighean thart faoin am seo, cúram a fhágtar taobh leis na staraithe agus gineolaithe gairmiúla, thig linn aghaidh a thabhairt ar a thuilleadh den bheagán samplaí atá againn de ghinealaigh a d'fhág na scríobhaithe féin againn—na cinn a phléigh Watson (1979: 13). An chéad duine acu, Peadar Ó Gealacáin, tugann sé go minic air féin ‘Peadar Ó Gealacáin mac Phádraig ... ó Shliabh gCleath’. Mar shampla de dhuine a d'aistrigh ó Bhréifne go hOiriolla, ní hé an sampla is dramatúla a bhféadfaí smaoinemh air, ó lár Cho. an Chabháin go dtí teorainn na Mí, agus, ní eile, tá sé rómhall [? c.1798] lena chur san áireamh, óir tharla sé corradh agus céad bliain i ndiaidh an aistrithe pobail seo a deirtear a chuir traidisiún Oiriolla chun tosaigh. Dealraíonn sé go bhfuil Peadar ag tabhairt le fios i gceann de na ginealaigh<sup>783</sup> seo gur rugadh é féin gar do Sliabh gCleatha. Is fearr ginealach Phádraig Uí Phronntaigh, cé nach ndéantar soiléir cá huair a bhog a mhuintir ó Loch Éirne go Co. Lú; is féidir gur aistrigh siad le linn don scríobhaí a bheith beo, ach má ghlacann muid leis gur tharla sin sa 17ú hAois, is sampla thar a bheith maith é de theaghlach a d'aistrigh ó Cho. Fhear Manach go Co. Lú.

Ar an taobh eile den scéal—agus seo an áit a dtéann cúrsaí chun castachta as miosúr—níor mhiste a mheabhrú gur tógadh an teoiric gurbh é an t-aistriú pobail ba chionsocair le fás an traidisiúin scríofa Gaeilge in Oiriolla, gur tógadh sin ar an tuiscint go raibh cuid den lucht léannta ina measc siúd a d'aistrigh ann sa chéad áit, agus níl sé soiléir ach oiread go raibh an litearthacht á cothú i mBréifne ach i measc

---

<sup>783</sup> An ginealas i gcúl OÉG H38; féach Caib. 2, nóta 2666.

na n-aicmí léannta féin ann go dtí sin.<sup>784</sup> Seo an fhadhb go díreach—níl leid, i measc lámhscríbhinní Bhréifne, go raibh duine ar bith de mhuintir Phronntaigh ceangailte leis an litríocht, leis an léann, ná le déanamh na lámhscríbhinní ann. Is é Pádraig Ó Pronntaigh, mar shampla, an t-aon scríobhaí dar shloinne sin atá ar eolas agam. An féidir linn, dá bharr sin, leas a bhaint as teaghlach gan cáil an léinn orthu i mBréifne, agus a bhog go hOirialla, mar shampla den dóigh ar scaipeadh litearthacht in Oirialla trí na teaghlaigh léannta a lonnigh ann? Dá ndéarfaí, mar chosaint air sin, go raibh litearthacht ní b'fhorleithne i mBréifne sa 17ú hAois ná mar a thuigtear go forleathan, agus gur cailleadh formhór mór dár scríobh teaghlaigh eile, cén fáth nach bhféadfaí an prionsabal céanna a úsáid i gcás Oirialla féin? Cén fáth nach féidir a chreidiúint go raibh cineál de sheantraidisiún léinn in Oirialla uair nach bhfuil againn ach an méid is lú de anois? I dtaobh an mhodha eile a úsáideadh, is é sin, féachaint ar shloinnthe na scríobhaithe in Oirialla nach bhfuil eolas ar fáil faoina muintir le déanamh amach cá haird dá sinsir, mar a rinneadh leis an triúr mórphilí thuas, Séamus Mac Cuarta agus eile, is lú iontaoibh a bheadh agam sa mhodh seo;<sup>785</sup> d'fhéadfaimis a rá de réir an dearcaidh chéanna gur léiriú é sloinne Sheoin Mhic Sholaidh go dtéann a chuid fréamhacha liteartha siar d'Oirialla, de réir an roghnaithe a dhéanfaimis. Mac Soilligh an leagan ceart den sloinne sin, dealraíonn sé, agus bhí craobh amháin acu ina n-airchinnigh in Inis Caoin (Woulfe 1923: 408). Ar ndóigh, ní bheadh gar sa chaint sin, nó ní heol dúinn baint a bheith ag muintir Mhic Sholaidh leis an litríocht fosta, ach níl sé pioc níos míshásúla ná cuid de na samplaí a tugadh

---

<sup>784</sup> Is dóigh gur choimeádaí iad ó thaobh na tuisceana a bhí acu ar an rud ba litríocht ann ná muintir Oirialla i dtréimhse na Nua-Ghaeilge fiú, agus gurbh in an fáth nár ghlac glúin scríobhaithe amaitéaracha áit na dteaghlach léannta ann i ndiaidh dóibh a bheith curtha ó mhaith agus ó sheilbh níos faide ar aghaidh san 18ú hAois.

<sup>785</sup> Agus is thuas san aer a chaitheann an dóigh ar scaipeadh sloinnthe ar fud na tíre sa 17ú hAois an tuiscint choiteann sin gur féidir scríobhaithe a cheangal go measartha sábháilte le háiteacha mar gheall ar a gcuid sloinnthe. Cibé acu ba iad ba bhunús le ceantair liteartha nua a theacht chun cinn nó eile, is soiléir gur cuireadh scríobhaithe agus fir léannta eile as a n-áiteacha dúchais sa 17ú hAois, agus tagann de sin de réir céille nach féidir brath ar an modh seo ach mar mheastúchán a chuirfeadh muid i dtreo freagra, ach ní hé gur leor mar fhreagra é.

áiteacha eile. B'fhéidir gur shasúla mar léiriú air seo ginealas Philip Uí Chaiside, a chaith an chuid is mó dá shaol—idir 1784 agus 1827, dhealródh sé—ar an teorainn idir Co. na Mí agus Co. an Chabháin, ginealas uasal a cheanglaíonn é le scoláirí Gaeilge na 17ú hAoise. Taispeánann an ginealach gur dheartháir le sin-seanathair Philip é Éamonn Ó Caiside, an file a luadh cheana thuas, agus tharlódh sé gur dá bharr sin a bhí Philip in inmhe giotaí de chuid cumadóireacht Éamoinn a roinnt le Peadar Ó Gealacháin nuair a bhí LN G809 á grafadh aige, agus é ag teagasc i dteach Philip. Léifí air seo leanúnachas éigin idir scríobhaithe Bhréifne na 17ú hAoise agus lámhscríbhinní Gaeilge Cho. na Mí sa 19ú hAois, ach tá sin bunaithe ar an tuiscint gur rugadh Éamonn nó gaolta gairide leis i mBréifne, duine a shíúil cuid de Chúige Uladh agus de Chúige Chonnacht lena linn.<sup>786</sup>

Bhí lámhscríbhinn<sup>787</sup> i seilbh Philip Uí Chaiside agus Phroinsias Uí Chaiside i gCo. na Mí fosta a grafadh i mBréifne sa 17ú hAois, ach dealraíonn sé go ndeachaigh sí siar ar dtús: in 1732, bhí sí i seilbh sagairt ó Cho. an Chláir ar rugadh a mhuintir i gCo. Dhoire; agus bhí sí ar ais sa bhliain 1756 i gCo. Fhear Manach agus í idir lámha ag Seon Mag Uidhir, an príóir Doiminiceach i nGabhla. Tharla sí i gcnuasach Philip am éigin idir na blianta 1756 agus 1784. Sin impleacht eile a bhaineann le húsáid lámhscríbhinní ar nós LB Harl. 5280 agus LB Eg. 136<sup>788</sup>—ní bhíonn againn ach

---

<sup>786</sup> Bhí lámhscríbhinní leighis á ngrafadh ag Énrí Ó Caiside, a bheadh ar comhaois, nó gar di, le hÉamonn, i gCo. Lú agus Mhuineacháin i lár na 17ú hAoise. Thig leis an léitheoir a léamh féin a dhéanamh anseo, de réir an tseasaimh atá glactha aige i dtaobh an scéil.

<sup>787</sup> LB Add. 40766. Féach an plé ar Cho. Fhear Manach thuas.

<sup>788</sup> Tugtar iad seo mar shamplaí fáin de lámhscríbhinní ina bhfuil leideanna gur aistríodh iad ó thuaisceart Chúige Chonnacht go hOirthear Uladh. Lámhscríbhinn de chuid na 16ú hAoise is ea í LB Harl. 5280 a grafadh i gCo. Ros Comáin, agus ar a bhfuil nótaí déanacha ag daoine a gceanglófaí a gcuid sloinnté le hOirthear Uladh. Féach Ó Muraíle (2004: 60), mar shampla, agus an *B.M. Cat.*, ii, 298-300.

Thug Robin Flower cuntas ar LB Eg. 136 sa *B.M. Cat.*, ii, 554-63. Cé nach dtugtar ainm an scríobhaí inti, chuir sé an dáta 1630 lena chuid oibre áit amháin; agus shínigh Cormac Mac Parthaláin éigin í ina dhiaidh sin, am éigin sa 17ú hAois, is dóigh. Tar éis dó ábhar LB Eg. 136 a chur i gcomórtas le LB Eg. 1781 agus LBO Rawl. B513 (39), ba dhóigh le Flower, *B.M. Cat.*, ii, 554, gur cuireadh iad uilig le chéile sa dúiche chéanna. Shínigh 'Patricius Vardaesus' [= Pádraig Mac an Bhaire] agus

leath den phictiúr go minic, gan tuiscint againn ar na háiteacha eile a ‘thaitigh’ siad sula bhfaigheann muid in Oiriaila iad, ná goidé mar a d’fhág siad ceantair a scríofa sa chéad áit—fágann sin go mbeadh sciar maith samplaí ag teastáil nó go mbeimis in ann a rá go bhfuil pátrún ar leith le sonrú. Is ar éigean is féidir teacht ar shampla amháin nach bhfuil doiléir ar dhóigh amháin nó eile, nó nach bhféadfaí cúpla léamh a dhéanamh air, agus níor mhiste cuimhneamh air gur beirt scríobhaithe iad Philip agus Proinsias ach beirt scríobhaithe den mhéid mór acu a bhí ag obair in Oiriaila, breis agus céad acu, is dóigh, agus ba bheag an stró orainn sloinnte dúchasacha a aimsiú ina measc fosta. B’fhéidir gur leor sampla amháin eile—Peadar Dubh Ó Dálaigh, cara eile le Peadar Ó Gealacháin: thug sé cuntas thar a bheith beacht do Sheán Ó Donnabháin ar a shinsir, a ligeann dúinn é a cheangal le duine de mhuintir Dhálaigh Chill Chonail, Co. na Gaillimhe, a bhí ina bheatha sa 17ú hAois. Dá mb’fhéidir linn ginealaigh agus ábhar eile comhthéacs a gach scríobhaí a bhí bisiúil in Oiriaila sa 17ú hAois agus san 18ú hAois a leagan amach go cruinn, nó dá mbeadh tuairim againn ar a mhéad scríobhaithe a bhí ag obair ann, bheimis in ann an cheist a réiteach, ach níl muid gar do bheith in inmhe sin a dhéanamh. An beagán samplaí ‘maithe’ atá againn, ardaíonn siad níos mó ceisteanna gan réiteach, sa dóigh gurb é bun agus barr an scéil nach mbeidh againn go deo ach tuairimí agus giotaí eolais ar na háiteacha as ar tháinig formhór na scríobhaithe atá againn. Ní leor díriú ar shamplaí fánacha, agus caithfear an cheist a dhruid dá bharr sin. Ar ndóigh, is dócha gur bheag a bheadh le foghlaim againn ó shinsir scríobhaithe na 18ú hAoise,

---

‘Tord[h]ealbhach mac Nisse’ í fosta, agus chuir scríobhaí anaithnid dhá théacs léi ar son Phádraig Mhic Sholaimh, cibé duine é. Murab ionann an Cormac Mac Parthaláin a shínigh an lámhscríbhinn agus an scríobhaí ar a ndéantar plé i gCaib. 2.94, níl aon eolas ar fáil i dtaobh na ndaoine sin uilig.

tharla go raibh litearthacht sa Ghaeilge á scaipeadh tríd an Eaglais Chaitliceach (agus, is dóigh, tríd an ‘gcóras’ oideachais go mórmhór) faoin am sin in Oiriaila.<sup>789</sup>

Chonaic muid cheana go bhfuil cúpla leid ann go raibh baint ag na haicmí uaisle in Oiriaila le cothú na litríochta i lár na 17ú hAoise.<sup>790</sup> I gCo. Mhuineacháin, bhí Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird ag cumadh filíocht mholta ar aithris na mbard do Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna, agus a mhac Brian, de chuid theaghlach Fhearnmhaighe sna 1680í, ceann de thrí theaghlach dar shloinne sin a bhfuil dánta molta ar bhail acu ón 13ú hAois, ón 15ú hAois, ón 16ú hAois agus ón 17ú hAois. Bhí an Brian mac Colla seo ag díol le scríobhaithe as lámhscríbhinní a chóipeáil chomh fada siar leis an mbliain 1652—cor eile sa scéal is ea gur fhostaigh sé scríobhaí anaithnid ó Cho. Fhear Manach leis an lámhscríbhinn sin a ghráfadh, agus gur cóip de leagan Uí Chléirigh den ‘Leabhar Gabhála’ atá inti. Na craobhacha eile i nDartraighe agus i dTigh Damhnata, ba orthu a chum Éamonn Ó Caiside an dán sin ar Chath Eachdhroma a luadh tamall maith ó shin, agus i gCo. Ard Mhacha, cumadh mairgne ar bhall amháin, ar a laghad, de Mhuintir an Fheadha (Ó Néill) sa 17ú hAois—sa bhliain 1682, b’fhéidir—agus tá cnuasaigh annála i gcuid de na

---

<sup>789</sup> Níl aon bhac air, ar ndóigh, gur fhoghlaim Pádraig Ó Pronntaigh léamh agus scríobh na Gaeilge, mar gheall air sin, ó dhuine de na máistrí a bhí ag teagasc thart faoi Dhún Dealgan.

<sup>790</sup> Sa réamhrá a chuir sí lena heagrán úr de *Amhráin na Midhe*, thuigfí óna ndeir Ní Mhughhaile (Ó Muirgheasa 2015: xiii) go bhféadfadh sé go raibh luí ar leith le lámhscríbhinní a ghráfadh i gCo. na Mí mar gheall ar ionaid eaglasta a bhí ann roimh theacht na Sean-Ghall, ní nach bhfuil bailí mura ngéilleann muid dó go raibh traidisiún scríofa ann idir an dá linn. Luann sí na hionaid ag Baile Átha Troim agus ag Cluain Ioraird ach go háirithe, agus is fiú a lua go bhfuil leideanna maithe againn gur leanadh den scríobh i gCo. na Mí agus sna contaetha fá gcuaird; féach na nótaí thuas agus O’Sullivan (1985-6; 1987). Ní deirtear mórán fá dtaobh d’Oiriaila anseo, ach thig linn teacht ar thagairtí do sheanlámhscríbhinní cailte a grafadh ann roimh an 12ú hAois. Is eol dúinn, ar ndóigh, go raibh ceangal ag *Lebor na hUidre* le Mainistir Bhuíthe; fágтар faoi scoláirí na tréimhse sin a bhfuil ann a mheas, ach tugann an lámhscríbhinn roinnt eolais dúinn faoi na seanleabhair as ar scríobhadh codanna di—*Lebor Gerr* Mhainistir Bhuíthe, agus *Lebor Buide* Ard Mhacha, atá beirt cailte, ar ndóigh. Is féidir a chur leis seo *Cín Dromma Snechta*, an lámhscríbhinn chlóiteach a shamhlaítear le Droim Sneachta, Co. Mhuineacháin, agus *Lebor Sláne* Cho. na Mí, mar aon le dhá lámhscríbhinn eile a bhfuil baint dhoshéanta acu le hArd Mhacha, *Leabhar Ard Mhacha* agus LB Harl. 1023 (a scríobhadh sa bhliain 1138).

lámhscríbhinní áitiúla is sine atá againn.<sup>791</sup> Ba ar an teorainn le Co. Thír Eoghain a cuireadh le chéile lámhscríbhinn sa bhliain 1678 a bhfuil baint aici le muintir Mhic Cionnaoith,<sup>792</sup> teaghlach cumhachtach a mbíodh cóip de thráchtas dúchasach ar a gcraobhacha coimhneasa ar fáil sa chéad leath den 19ú hAois. Léiriú eile, is dóigh, go raibh leanúnachas éigin ann is ea go raibh *Leabhar Ard Mhacha* fós i seilbh an teaghlaigh ar leo é le fada an lá i ndeisceart Cho. Ard Mhacha, go dtí gur dhíol Flann Mac Maoir sa bhliain 1681 é le briseadh a thógáil le dul go Sasana agus mionna a thabhairt in aghaidh Oilibhéir Pluincéad, agus gur dhíol Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow, duine de shliocht na Sean-Ghall agus na Nua-Ghall, le Pádraig Mac Oghannáin as lámhscríbhinn a chóipeáil dó. Léirigh Cunningham & Gillespie (1986) i gcás an phátrúin sin go speisialta, áfach, go gcaithfear a bheith cúramach agus muid ag iarraidh teacht ar shamplaí de ‘leanúnachas’ den chineál seo idir tréimhsí éagsúla i gcúrsaí lámhscríbhinní.

I gCo. Lú agus i dTuaisceart Laighean, bhí ceangal den chineál seo ag na teaghlaigh Normannacha le cothú an léinn is na litríochta. Is laige an t-eolas atá againn faoi Cho. Lú ná aon chontae eile, ach tá tagairtí fáin ó thús ré na Nua-Ghaeilge do sheanteaghlaigh áirithe a bheith ceangailte le cúrsaí litríochta: Antoin Gearnon a bhí

---

<sup>791</sup> LN G1304, COBÁC M11 (dáta na cóipe—1737; stadann na hannála sa bhliain 1651), agus CT H.4.31 (1372). Chonaic muid cheana go bhfuil neart cosúlachtaí ann idir CT H.4.31 (1372) agus lámhscríbhinn eile a scríobhadh—de réir Uí Cheallaigh (1951: 42)—i gcomharsanacht Cho. Ard Mhacha c.1630-40, i. CT H.4.25 (1366), agus go bhfuil annála a thráchtann ar mhaithe Chúige Laighean inti. Deir Ó Muraíle (2010: 135) go mbaineann CT H.4.25 (1366) le deisceart Uladh, agus thuigfí as faisnéis Uí Cheallaigh (1951) gurbh as Co. Ard Mhacha go sonrach an scríobhaí; féach Caib. 1.4.1.4 thuas. Bhí cuid mhaith den ábhar céanna idir lámha ag Muiris Ó Gormáin agus ARÉ 23M4 (332) á scríobh aige; féach na tagairtí d’ábhar na lámhscríbhinne sin in Breathnach (1937), áit a n-aicmítear na ginealaigh a bhaineann le muintir Pluincéad ina dtrí ghrúpa de réir a gcineáil. Is éard atá i ngrúpa 2, CT H.4.25 (1366) agus CT H.4.31 (1372), mar aon le cóip Mhuiris Uí Ghormáin in ARÉ 23M4 (332); saothar a bhaineann le feachtas Sheoin Mhic Sholaidh agus Risteaird Tuibear atá i gceist i ngrúpa 3, is dóigh; féach gurbh é Seon a ghráf an lámhscríbhinn is sine ina bhfuil na leagain sin, ARÉ 23M17 (153), agus gurbh ó chóip den chineál sin a d’eascair ARÉ 23H25 (710)—féach an tagairt do ‘Nuadhfhiahdhnaise, 1713’ inti, áit a bhfuil an nóta céanna ag Seon in ARÉ 23M17 (153). Tá cóip eile le Muiris Ó Gormáin, a raibh cuid mhaith de pháipéir Risteaird aige, in ARÉ 23M4 (332). Tugtar tuilleadh eolais faoi Cho. Ard Mhacha sa phlé atá i gCaib. 1.4.1.4 thuas.

<sup>792</sup> LBO Rawl. B477 (25).

ina údar ar *Parrthas an Anma* (1645); Seoirse Haidseir agus baill eile dá chlann a bhí ina sealbhóirí ar LN G11, lámhscríbhinn mheamraim, chomh mall leis an mbliain 1679;<sup>793</sup> agus muintir Táth ó Ráth Naoite, a raibh cnuasach lámhscríbhinní ag duine acu, Risteard Táth (*ob.*1736), agus baint acu leis an gcléir. I gCo. na Mí tá againn mar thoradh ar ar scríobhadh ann i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche dánta an Easpaig Tomás Déis; agus is eol dúinn gur phátrúin iad cuid de mhuintir Barnbhall agus Pluincéad chomh fada siar leis an 16ú hAois. Dhealródh sé gurb é an toradh is fearr atá againn ar a gcuid flaithiúlachta LBO Rawl. B512 (38), lámhscríbhinn ar a ndearnadh plé i gCaib. 1.4.1.2. Seanteaghlach eile a bhí sa chontae sin ab ea muintir Bhiataigh i Maigh nEalta, agus is féidir gur dhuine acu an té sin, Séamus Biatach,<sup>794</sup> a bhí ina scríobhaí sa bhliain 1705. Is i láimh mhaith de chuid na 17ú hAoise atá an t-aon lámhscríbhinn sin atá againn uaidh, ionann is gur sheanfhear é faoin am sin—bhí sé beo in aimsir an Dara (an tSeachtú) Séamus. Ag dul siar i dtreo Cho. na hIarmhí, tá againn sa chomharsanacht sin seanteaghlach ar nós mhuintir Mhic Maoil Tuile agus Mhig Eochagáin, a chuir spéis sa léann, taobh leis na teaghlach Normannacha a lean nós a gcomharsan Gaelach—Nuinseann, Ciomhsóg, srl. Tá giota in ARÉ 23O4 (471) a scríobhadh i ‘Slemuin mor Midhe’ sa 16ú hAois. Is cosúil go raibh Seon Mhac Solaidh in inmhe teacht ar lámhscríbhinn leighis de chuid na bliana 1433 a bhí ag duine éigin ar a ghar. Sin cuid de na giotaí eolais atá ar fáil faoin gceangal a bhí ag móruaisle Oiriaila agus na Mí, idir Ghaeil agus Shean-Ghail, ag tús ré na Nua-Ghaeilge, ní a mheabhródh dúinn go raibh traidisiún lámhscríbhinní ann, dá laige é, i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche.

---

<sup>793</sup> Féach Co. Lú sa phlé i gCaib. 1.4.1.1 thuas. Níor mhiste smaoineamh air, ar ndóigh, go ndealraíonn sé go raibh an lámhscríbhinn i seilbh duine dar shloinne Ó Caiside roimhe sin.

<sup>794</sup> Theip orm aon eolas a fháil a ligfeadh dúinn tuairimíocht a dhéanamh go raibh baint aige le muintir Bhiataigh na hAlban.



Is fiú aird a thabhairt ar an gclaonadh sin athruithe i gcúrsaí léinn a cheangal le heachtraí móra stairiúla, nuair nach gá go raibh baint eatarthu, sa dóigh go gcuirtear an-bhéim ar athruithe polaitiúla, gan smaoineamh ar na hathruithe socheacnamaíocha a d'eascair uathu sin agus ó chúinsí eile a bhí spleách air sin. Is gnách, nuair a bhítear ag trácht ar stair na Gaeilge go ginearálta, go mbíonn sé intuigthe ó chuid de na cuntais go bhféachtar ar thréimhse na Meán-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge mar dhrochthorthaí áirithe ar chorrathacht pholaitiúil, go gcluintear trácht go mórghór ar an teanga a éirí neamhchaighdeánach, i gcomórtas leis an dá thréimhse eile, tréimhse na Sean-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge Moiche, ar mó an staidéar atá déanta ar a gcuid fuíollach liteartha. Ní hé gur toradh ar chorrathacht pholaitiúil i gcónaí cúlú i gcúrsaí léinn; más fíor go bhfágtaí go traidisiúnta cúlú an ábhair léannta agus na meadarachtaí úra a theacht chun cinn i lámhscríbhinní ar an dara concas agus ar ar lean é, is ar éigean a smaoinítear ar an mborradh a tháinig faoin litríocht in aimsir an chéad choncais. Féach gur thug Breatnach (1994: 226) faoi deara, agus é ag trácht ar an míniú coiteann a thugtar ar thús ré na Meán-Ghaeilge (c.900 AD), gur thréimhse mhór forbartha sa Ghaeilge an 12ú hAois, in ainneoin é a bheith corraitheach,

Is measa fós an tagairt ag Greene do 'the breakdown of the social structure of Ireland' sa 9ú haois gan aon fhianaise air seo a thairiscint; nach mó go mór an briseadh síos ag deireadh an 12ú haois, an tréimhse ina suíonn sé caighdeánú na N[ua-]G[haeilge] Clasaicí?

Deirtear an méid seo díreach le tabhairt le fios go gcaithfidh muid a bheith ar ár n-aire faoi ró-úsáid eachtraí móra na staire mar mhíniú lom ar cheisteanna a bhaineann le saothrú lámhscríbhinní agus litríochta ar an móróir. Ní hé nach raibh lámh mhór ag cuid de na heachtraí móra seo sa scéal, ach is minic gurb iad na hathruithe sóisialta agus eacnamaíocha a thagann i réim ina dhiaidh sin is ábhar le

casadh éigin i ndéanamh na lámhscríbhinní; féach go raibh, mar a dúradh cheana, Brian Mag Mathghamhna ag díol as lámhscríbhinní nuair a bhí Co. Mhuineacháin ina chior thuathail sa bhliain 1652.<sup>795</sup> Ba nós éigin, go dtí le déanaí, is dóigh, i scéal litríocht na Gaeilge claochluithe amháin a cheangal le gabháltais ón taobh amuigh— an dóigh ar tháinig ann don Mheán-Ghaeilge, a mheastaí a bheith ‘trína chéile’ agus ‘neamhchaighdeánach’, in ionad na Sean-Ghaeilge ‘caighdeánaí’;<sup>796</sup> nó meath an dána dhírigh agus teacht chun cinn na lámhscríbhinní déanacha, ‘hundreds of pathetic manuscripts’, mar a scríobh Draak fúthu, a fhágtar go díreach lom ar chogaí agus ar phlandálacha na 16ú hAoise agus na 17ú hAoise, gan smaoineamh air go bhféadfadh sé go raibh cúinsí eile i gceist fosta an tráth sin.

Naoi mbliana i ndiaidh d’fhoilsiú leabhar Watson (1979), scríobh Cunningham & Gillespie alt tábhachtach ar an bpátrúnacht a thug Brian Mhag Uidhir do scríobhaithe dúchasacha i gCo. an Chabháin agus i gCo. Fhear Manach. Luaigh siad mar chuid den phlé gur gnách go gceanglaítear na hathruithe i gcúrsaí léinn a thit amach sa 17ú hAois, imeacht na mbard agus teacht na bhfilí nua-aimseartha ina n-áit, ‘in some rather vaguely defined way with English colonisation in Ireland and the expropriation of the lands of the native Irish elite which removed the traditional source of literary patronage’ (Cunningham & Gillespie 1988: 38), ní a deir siad a bheith ‘unsustainable’ mar gheall ar thaighde a rinneadh le déanaí. Murab ionann agus na lámhscríbhinní déanacha, dealraíonn sé gur lámhscríbhinní móra toirtiúla cuid mhaith dár grafadh sa chéad leath den 17ú hAois; is éard a bhraithfí ar na

---

<sup>795</sup> B’fhéidir go raibh sé ag iarraidh a léiriú don saol mór go raibh sé fós in ann pátrúnacht a thabhairt do scoláirí; más ea, níorbh é an chéad uair a d’úsáid pátrún an cleas sin le seasamh a thabhairt dó féin—féach Cunningham & Gillespie (1988) agus lámhscríbhinní Bhriain Mhig Uidhir.

<sup>796</sup> Féach an sliocht as Breatnach (1994) thuas, a dhéanann tagairt áit eile dár scríobh Carney (1982-3: 211), i dtaobh na tuairime coitinne a bhí amuigh ar an Meán-Ghaeilge, agus an dóigh ar féidir le tuairim sheanbhunaithe a bheith bunoscionn leis an bhfirinne, ‘It has been custom ... to dismiss any deviation from the O. Ir. standard as “Middle Irish,” thought of as a state of linguistic anarchy where anything could happen’.

lámhscríbhinní seo gur mór idir iad agus na cinn ba lú toirt agus costas a cuireadh le chéile do phátrúin sa dara leath den aois chéanna ar lú de mhaoin an tsaoil a bhí acu.

Tá míniú air seo, áfach, in Cunningham & Gillespie (1988: 38-9).

Conditions in the early seventeenth century, even though it was an era of peace, made patronage of any branch of the arts difficult. This was true within both the settler and native Irish communities in Ireland. The output of literature in English from the Irish printing presses, for example, was very low and almost no creative writing in English was published in Dublin. Similarly, only a few could afford to patronise literature in Irish. During the late seventeenth century as conditions stabilised and a financial surplus became available for patronage so literary activity reemerged. However, within the Gaelic community the old lordship system had disappeared and with it the bardic poetry ... bardic poetry was no longer of direct political relevance. ... Although such poetry continued to be copied into new manuscript compilations throughout the eighteenth century, for antiquarian interest, patronage had diversified and the emphasis was now on music for entertainment and manuscripts for use ... Curiously, the emergence of a vibrant tradition of folk poetry in the early eighteenth century has usually been construed as evidence of catastrophic decline—the degeneration of Gaelic society. The argument is partly based on the false assumption that literary patronage in the early eighteenth century was still devoted to poetry, and poor poetry it was compared to the earlier classical compositions. But the folk poetry of the eighteenth century, almost by definition, is poetry without patronage. In many cases it was a sideline activity of men who made their living as teachers and scribes. This was a distinct cultural tradition, ... made possible by the improved educational and literacy standards of the age.

Is é éirim an scéil gur féidir, dar le Bernadette Cunningham agus Raymond Gillespie, dearcadh ar thraidisiún na lámhscríbhinní i ré na Nua-Ghaeilge mar thraidisiún úr ar bhealaí áirithe a d'fhás aníos tar éis maolú a theacht ar shean-nósanna déanta na lámhscríbhinní faoi thús na 17ú hAoise, nuair a bhí aird na bpátrún, agus na scoláirí dá bharr sin, tar éis cúlú ón dán molta foirmeálta nach raibh gar ann a thuilleadh agus dul i dtreo ábhar staire, agus próis cráifeach go pointe áirithe.<sup>797</sup> Níor mhiste

---

<sup>797</sup> Saothair Céitinn, agus téacsanna próis eile ar nós ‘Parliament Chloinne Tomáis’, gan trácht ar shaothair Mhíchíl Uí Chléirigh agus a luchta comhaimsire a bhí ag bailiú ábhar do thionscnamh staire Loháin—agus pátrúin Ghaelacha ag cuidiú leo, Fearghal Ó Gadhra agus Toirdhealbhadh Ó Cochláin,

cúimhneamh air go raibh lucht léite agus scríofa na Gaeilge tar éis leathnú píosa mar gheall ar fheachtais na gcoláistí Éireannacha ar an Mór-Roinn, a raibh sciar acu ag tiomsú agus ag aistriú leo chomh fada siar leis an mbliain 1593 ‘ar dhēirc 7 ar les anma do na hÉirendchaibh’, mar a deirtear i dteideal tráchtais a scríobhadh sa bhliain sin.<sup>798</sup> Scríobhadh é, in ainneoin ortagrafaíocht na bhfocal thuas, i stíl shimplí chuige sin, de réir shlat tomhais roinnt téacsanna eile de chuid na 16ú hAoise. Shroich an saothar gearr seo Éire tuairim na bliana 1598. Dearcann Cunningham & Gillespie fosta ar an athrú a thit amach sa traidisiún scríofa, ní hamháin mar dhrochthoradh ar na plándálacha, ach mar chuid den athmhúnlú sóisialta a lean an méid sin mar gheall ar chúinsí a bhaineann go díreach le cás na hÉireann, agus gluaiseachtaí eile a bhaineann le stair na 17ú hAoise agus na 18ú hAoise go coiteann a braitheadh i gcéin fosta. Ar na hathruithe ba thábhachtaí a tháinig i réim sna haoiseanna sin, tá an dóigh ar scaipeadh litearthacht agus léann i measc aicmí áirithe nach raibh rochtain acu orthu roimhe sin, agus gur chinntigh, go pointe éigin, díothú na seanuaisle an malartú sin i gcás na tíre seo go sonrath. ‘The poets had no personal experience of it [= an seansaol], or it is just possible that they might not have been so enthusiastic about it’, a dúirt Ó Fiaich (1970: 33) i dtaobh an dearcaidh náisiúnaigh atá le fáil go tréan i ndánta Airt Mhic Cumhaigh agus filí eile den chineál céanna, agus tharlódh sé

---

cuirim i gcás. Féach an t-eolas bunúsach a thugtar sa réamhrá le Dillon, Mooney & de Brún (1969), agus na saothair a ceadaíodh ann. Don cheantar sin Bhréifne, féach thuas. Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, nár cuireadh cnuasaigh thábhachtacha filíochta agus véarsaíochta eile le chéile sna blianta seo, ach amháin gur tugadh aghaidh ar leith ar litríocht a raibh baint aici le cúrsaí staire agus siamsaíochta ach go háirithe sa leathchéad sin.

<sup>798</sup> Prós cráifeach agus Teagasc Críostaí dar teideal ‘Don Teccoscc Chríosduidhe’ a scríobh Flaithrí Ó Maoil Chonaire, údar *Desiderius* nó *Sgáthán an Chrábhaidh* (1616), agus a cuireadh go hÉirinn sa bhliain 1598. In eagar ag Ó Cuív (1950a), a deir an méid seo a leanas faoi, ‘... this catechism seems to be the earliest of the devotional works written in Irish by members of the Franciscan Order for the instruction of the Irish people in the Catholic faith towards the close of the sixteenth and throughout the seventeenth century, and, indeed, predates by over forty years the publication of the first Catholic catechism in Irish. When we consider its simplicity and conciseness, we must wonder all the more that it was never printed ... The language of the text, which is simple Early Modern Irish, is dressed up in an archaic spelling ...’ (Ó Cuív 1950a: 161). Is féidir, ar ndóigh, gurbh é scríobhaí na haon chóipe a d’aimsigh Ó Cuív ba chionsocair leis na litrithe bréagársa, nó an leabhar óna bhfuair an scríobhaí sin é, srl. Bheadh na scríbhneoirí eile a lean Flaithrí Ó Maoil Chonaire—Aodh Mhac Aingil, mar shampla—i bhfad ní ba réidhe foirmeacha neamhchlasaiceacha a úsáid ina gcuid téacsanna, ar ndóigh.

go raibh an ceart aige, nó ní bheadh againn de shaothar Airt, an sclábhaí bocht tuaithe, ach na giotaí a bailíodh ón mbéaloideas san 20ú hAois murach na hathruithe i gcúrsaí léinn a tharla sa 17ú agus san 18ú hAois.

Tá leideanna maithe againn gur leanadh den scríobh in áiteacha éagsúla i gCúige Uladh sa chéad leath den 17ú hAois, cé nach éasca na cinn is spéisiúla ó thaobh ábhair a cheangal le contae ar leith—COBÁC A25, mar shampla—agus is eol dúinn gur lean scríobhaithe Bhréifne orthu: féach, mar shampla, an tionscnamh a chuir Brian Mag Uidhir ar bun ach go háirithe, gurbh éigean dó scríbhneoir eile a fhostú sa bhliain 1638, Brian Óg Ó Cianáin, taobh lena ollamh, Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín (*fl.*1631-54), le go mbeifí in ann lámhscríbhinn a chur le chéile ‘le morán *grinmill* <sup>7</sup> *géar-choimhéada* as na leabhraibh ... *mar áon re Saltair Cháisil* <sup>7</sup> *Teamhrach*, ionnas gurab é aon leabhar bá mó *meas fírinne* <sup>7</sup> glaneólais da ráibhe san *ccóigeadh é*’.<sup>799</sup> Rinneadh, ar ndóigh, an lámhscríbhinn seo agus mórán eile a scríobh arís sa bhliain 1718 faoi phátrúnacht Bhriain Mhig Uidhir eile, agus ar an ábhar céanna agus a cuireadh seanlámhscríbhinn na bliana 1638 le chéile sa chéad áit. Cé gur féidir go n-áiteofaí nach ‘folk poetry’ gan phátrúnacht amach is amach litríocht na 18ú hAoise, ó tharla gur dócha go bhfuair cuid mhaith d’fhillí Oiriaila— Séamus Mac Cuarta (*ob.*1733), Uilliam Mac Giolla Chiaráin (*ob.*1766), agus Art Mac Cumhaigh (*ob.*1773/8), cúnamh éigin ó mhaithe na ndúichí ina raibh cónaí orthu, agus nár scar filí na 18ú hAoise go hiomlán leis an bhfilíocht mholta, ní hionann do na scríobhaithe ó *c.*1730 ar aghaidh, chomh fada agus a bhaineann an scéal le cúrsaí pátrúnachta. Is spéisiúil gur leanadh den fhilíocht mholta a cheapadh

---

<sup>799</sup> I gcló san *R.I.A. Cat.*, 2699, as ARÉ C.vi.1(1) (936), cóip den tseanlámhscríbhinn (1638) a rinneadh sa bhliain 1718. Tá na seanleabhair imithe ar seachrán le fada an lá, ach mar gheall ar an gcóip [? de chodanna] díobh a rinneadh sa bhliain 1718, is soiléir gur chnuasaigh thoirtíula iad, agus is maith mar léiriú ar chúrsaí na haimsire gur iarradh ar Ghiolla Pádraig Ballach *c.*1638 míniú a thabhairt ar an dán *Triallam timcheall na Fódhla* i bprós mar chuid den fheachtas sin, a bhfuil cóip de i macleabhar na bliana 1718.

suas go dtí an t-am ar scríobh cuid de na scríobhaithe—bhí ceird an fhile agus an scríobhaí fite ina chéile faoin am seo—dánta molta do Roibeard Mac Ádhaimh i ndiaidh an Ghorta Mhóir. Iad siúd a dhíoladh le scríobhaithe san 18ú hAois as obair chóipeála amháin, ba le haicme shóisialta eile ar fad a bhain a mbunáite, na pátrúin agus na scríobhaithe, agus dhealródh sé gurbh ionann don díolaíocht a fuair siad. Seo a bhfuil i gceist ag Cunningham agus Gillespie nuair a thráchtann siad ar *diversification* na pátrúnachta, agus tá taifid againn a léiríonn gur shagairt áitiúla agus scológa cuid de na pátrúin seo.<sup>800</sup> Mórán eile acu siúd a luann na scríobhaithe gur scríobhadh an leabhar seo nó siúd dóibh, is féidir a léiriú gur scríobhaithe eile iad, agus nach raibh i gceist ach gar nó bronntanas.

Is doiligh smaoineamh ar phátrún saibhir ar bith (taobh amuigh de chúpla sagart, b'fhéidir, i dtreo dheireadh na tréimhse) a bhí ag díol le scríobhaithe in Oiriaila lámhscríbhinní nua-aimseartha (ó thaobh ábhair) a ghráfadh, agus dhealródh sé go bhfaighfeadh gnáthscríobhaí saothar mór teacht orthu.<sup>801</sup> Cibé díolaíocht a fuair na fir seo as a gcuid oibre, níor scríobhaithe gairmiúla iad sa dóigh nárbh fhéidir leo maireachtáil, más fíor, ar cibé díolaíocht a fuair siad as an obair a bhí á déanamh acu gan slí bheatha bhuan a bheith acu. Is mar gheall air seo a fheiceann muid iad siúd nárbh eaglaisigh iad ag dul a theagasc sa dara leath den aois sin, cé gur doiligh teacht ar thaifid chruinne díobh go dtí an 19ú hAois, mar a chonaic muid cheana. Cibé scéal é, is ar ábhar siamsúil léitheoireachta a bhí éileamh, agus más fíor go raibh lámhscríbhinní ann in Oiriaila ina raibh litríocht léannta nó dánta ar na seanteaghlaigh, bhí na teaghlaigh féin róscartha le díol as a n-athchóipeáil, agus ní

---

<sup>800</sup> B'ionann do na scríobhaithe ar ndóigh, mar a chonacthas i gCaib. 1.3.1 thuas.

<sup>801</sup> Ní chuirim san áireamh Múiris Ó Gormáin, a bhí ag obair do phátrúin thábhachtacha, ach i gcomhthéacs na ngréasán liteartha i mBaile Átha Cliath a bhí ag lorg ábhar a bhain le stair agus seandachtaí na hÉireann. Ní heol dom gur scríobhadh aon lámhscríbhinn dá chuid do phátrún nuair a bhí cónaí air in Oiriaila, ach COBÁC M19, b'fhéidir.

raibh pátrúin eile ann a chuirfeadh airgead agus saothar amú orthu, is dóigh.<sup>802</sup> Más ea go raibh ar fáil in Oirialla san 18ú hAois leabhair ar nós lámhscríbhinní mhuintir Mhig Uidhir na bliana 1638—lámhscríbhinní a luadh cheana—is ar éigean is féidir a chreidiúint go mbeadh pátrún ann le díol as a n-athchóipeáil san 18ú hAois mar a rinneadh le leabhair 1638 i gCo. Fhear Manach sa bhliain 1718, óir bhain na pátrúin in Oirialla le haicme shóisialta eile, agus b'ionann don litríocht féin a raibh tóir uirthi ann.

Dhealródh sé nár chuir mórán den ghlúin nua scríobhaithe in Oirialla mórán spéise iontu, má bhí fáil acu orthu. I nóta a cheap Seon Mhac Solaidh nó a chara Risteard Tuibear tuairim na bliana 1717, déantar tagairt, is dócha, don chineál nua scríobhaí a bhí ar son an Ghaeilge a léamh ach ar bheag a spéis ina cuid seandachtaí; agus sin curtha síos ag duine acu, Seon nó Risteard, mar réamhrá le cnuasach ginealach a bunaíodh go príomha ar lámhscríbhinn de chuid thús na 17ú hAoise,

[155] Go deimhin ní raibh curam ar m'aigheadh *badh* mó no an leabhar so do sgriobhadh (le cían d'aimsir) *ar lorg Domhnaill Amhra Ui Dhuinninn*, 7 Thaidhg mheic D[h]aire, do b[h]riogh go measuim a bheith barantamhuil fóirleathan, *tar eis na deisi sin*, 7 fós measuim go bhfuil ceart canamhnacha, 7 pronunsiasion ann. Ní hionann 7 mar mheasas baoidhguireadha(?) *neamhmarántamhuil* do dháothibh dúra *tearcmhúinte beagleighin* do bheith, ag nach bhfuil aithne a litreacha *ar a' ccaoi choir* aca do reir na Gaoidhealga, 7 ma theagmhaid puinn focail orra *nach* ttuigid ní bhíd *acht* ag dimoladh an ughduir. IS dearbh go rabhadar *seanchadha* ann díaigh a ndíaigh o aimsir na dilionn go *teacht ar Naomh Patruig* a nEirinn, 7 gur chuir Naomh Patruig an tan sin na hughduir is *barantamhla* do bhí a nEirinn do choimhead 7 do ghlanadh an tseanchusa: do sgriobhadh leis na hughdaruibh sin *seanchais Eirionn* a bhfiaghnuisi úaisle, 7 naomh Eirionn a

---

<sup>802</sup> Tagann na dánta atá againn ar mhuintir Mhathghamhna agus Néill ó lámhscríbhinní a grafadh ó na 1680í ar aghaidh, agus is beag acu atá iontu. Is é an t-aon dán ar na seanteaghlaigh seo a scríobhadh i gcuid mhaith lámhscríbhinní an mhairgne a ceapadh ar Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna, a cailleadh sa bhliain 1689, agus is faide ón dán díreach é ná cuid mhaith de na dánta eile atá againn ar na teaghlaigh uaisle. Ba é Eoghan Ó Donnghaile (*ob.* 1697) a cheap é, is dóigh, duine a cheadaigh meadarachtaí scaoilte go minic, murab ionann agus Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird (Duffy 1965: 312-3, 315; Hughes 1987a: 66-7). Tá dán ar Bhrian mac Colla in COBÁC M11, srl., a grafadh sa bhliain 1737.

bpríomhleabhruibh do hanmnuighthe<sup>ar</sup> ona naomhuibh fein <sup>7</sup> óna gceallaibh. Go firinneach, as é easbhaidh na n-ug[h]dur sin (no a leitheide) do bheith ar an nasíon, thug fa deara dhamhsa lamh do chur san óbairsi, no 'na leitheide eile.<sup>803</sup>

Níor shaoithíní iad Seon agus Risteard—is óna lámha féin atá na cóipeanna is sine de chuid den nuafhilíocht is tábhachtaí a cumadh in Oirialla. An fhorbairt seo i gcúrsaí oideachais, agus maolú an tseanábhair léinn mar gheall ar athruithe i gcúrsaí pátrúnachta—a bhí ina thoradh indíreach, go pointe áirithe, ar chogaí, agus ar phlandálacha an Dara Concais—d'fhág sin gur tháinig cineálacha nua de scoláirí Gaeilge chun tosaigh, scríobhaithe a bhí sásta téacsanna comhaimseartha leo féin a chur ar phár, taobh le seantéacsanna eile ar measadh narbh fhiú a dtaifeadadh go dtí sin.<sup>804</sup> In ionad dríodar agus arraingeacha báis an tseanléinn a bheith i gceist sna lámhscríbhinní déanacha seo, is é rud a tharla sa dara leath den 17ú hAois, agus i dtús na chéad aoise eile i gcuid mhaith ceantar, gur forbraíodh cineál nua scríobhaí agus tuiscint nua ar an rud ba litríocht ann, ní a chinntigh gur mhair an traidisiún scríofa sa saol nua, agus go raibh sé in ann dul i ngleic leis na hathruithe a tháinig ann dá bharr. Saothar amú a bheadh i gceist, ar ndóigh, dul a lorg deighilt shoiléir idir na seanlámhscríbhinní agus na leabhráin bheaga nua, óir tá sé le léamh ar chuid de na lámhscríbhinní a grafadh in Oirialla sa dara leath den 17ú hAois isteach sna blianta luatha den 18ú hAois gur le hidirthréimhse a bhaineann siad—léiriú maith air seo is ea í LN G1304, a grafadh sa bhliain 1681, áit a bhfuil dánta le filí a bhfuil fáil ar a gcuid saothar i lámhscríbhinní ar nós *Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn*

---

<sup>803</sup> ARÉ 24A2 (757), lch [ii].

<sup>804</sup> Is eol dúinn gurbh ann do na 'meadarachtaí scaoilte' leis na céadta bliain faoin am sin, agus go mbíodh sagairt ar nós Eoghain Uí Dhubhthaigh, O.F.M., ag baint úsáid astu mar mheán teagaisc i gcúrsaí creidimh chomh fada siar leis an 16ú hAois. Féach fosta saothar Ghearóid Iarla, a mhair sa 14ú hAois, srl. Is fiú sampla amháin a thabhairt—an dán úd de chuid Eoghain Uí Dhubhthaigh ar léirigh Mhág Craith (1980: 175-6) gur scríobhadh sa bhliain 1578 é, níl sé ar fáil i gcóip lámhscríofa go dtí an bhliain 1717, ach níl cóipeanna de gann ina dhiaidh sin in aon chearn den tír inar leanadh den scríobh isteach san aois sin, Oirialla san áireamh.



(1631)—Eochaidh Ó hEodhasa, Seaán Mac Céibhionnaigh, Tadhg mac Dáire Mhic Bhruaideadha, Giolla Bríghde Beag Mac Con Midhe, srl., taobh le hannála agus ginealaigh, agus dánta le filí ar nós Aodha Mhic Aingil, Shéathrúin Céitinn, agus Thomáis Déis—agus sin in éineacht le dán le Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird, agus laoithe a bhí go mór i bhfaisean san 18ú hAois ar nós ‘Laoi Mhaghnuis Mhóir’ agus *Lá dúinne ar Sliabh Fuaid*. Sa bhliain chéanna, grafadh lámhscríbhinn<sup>805</sup> eile ar cnuasach cráifeach í, cuid den ábhar arna bhaint as leabhair a cuireadh i gcló ar an Mór-Roinn, agus tá inti fosta, taobh le dán le Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird agus ceann eile le Cian Ó hEachaidhéin, ceann de na cóipeanna is sine, go bhfios dom, de ‘Agallamh an Anma agus an Choirp’ atá againn, saothar a bhí á chóipeáil go fóill isteach sa 19ú hAois. Níor leasc do na scríobhaithe déanacha ó am go chéile nithe a chóipeáil má mheas siad fiúntas stairiúil nó eile a bheith iontu, murar thuig siad an píosa tríd is tríd, fiú.<sup>806</sup>

Is ar an ábhar seo is féidir linn míniú a thabhairt ar an dóigh ar tháinig fás mall ar litearthacht sa Ghaeilge in Oiriaila gan brath ar aistrithe fisiciúla pobal ó cheantair eile, nó ar nithe eile atá geall le bheith dodheimhneithe ó na taifid atá againn anois. Míníonn sé seo fosta an fáth ar tháinig deireadh le scríobh na Gaeilge a bheag nó a mhór i gceantair ina raibh traidisiúin láidre oidhreachtúla (a bheadh ina gconstaic ar thraidisiún nua a theacht chun cinn, b’fhéidir), de réir mar a théann muid isteach sa 17ú hAois agus san 18ú hAois. Nuair a chuaigh as go mall do na teaghlaigh a choinnigh greim ar an léann, ní dócha—tharla a bhoichte a bhí cuid de na contaetha in Iarthar Uladh, agus i gCúige Chonnacht—go raibh dálaí fóirsteanacha scríbhneoireachta ann i measc an phobail leis an traidisiún a choinneáil beo. Tar éis

---

<sup>805</sup> ARÉ 23D3 (502).

<sup>806</sup> Tugtar giota as alt Bhreatnaigh (1961) i nóta 395 thuas.

don chóras pátrúnachta dul ó thuairisc i mBréifne c.1730, ní heol dom gur lean éinne seachas Séamus Bacach Mhag Uidhir air leis an scríobh, agus an nua-fhile ‘líteartha’ is tábhachtaí de chuid Bhréifne atá ar eolas againn—Fiachra Mhac Bhrádaigh. Tar éis dóibh beirt dul ó thuairisc sna blianta 1746 agus 1755 faoi seach, ní féidir ach beirt deartháireacha a cheangal le déanamh na lámhscríbhinní ann suas go dtí an bhliain 1800: Peadar Mhag Uidhir agus Toirdhealbhach Mhag Uidhir, agus ba ar ábhar fréamhaithe a bhí siad ag tarraingt. Duine eile a lean ar aghaidh leis an scríobh (1787-91) ab ea é Pádraig Ó Ceogáin, ach níl toradh a shaothair againn anois. Níos faide siar, is féidir go raibh Brian Mac Giolla Eoin ag scríobh i gCo. Dhún na nGall sa tríú ceathrú den 18ú hAois, ach is ar éigean is féidir a léiriú gur rud coitianta sin in Iarthar Uladh ar chor ar bith go dtí gur tháinig feabhas ar an scéal thart faoin am ar thosaigh an *Irish Society* ar mháistrí a cheapadh mar gheall ar a gcuid scileanna sa Ghaeilge. D’fhág sin amhras in intinn an phobail ar ábhar scríofa Gaeilge ar fad, mar is eol dúinn, agus in ainneoin go meastar go raibh na céadta duine in ann an teanga a léamh i gCo. Dhún na nGall tuairim na bliana 1873, ní dócha go ndearnadh ceangal ceart riamh ann, nó i mBréifne, idir nua-litríocht agus scríbhneoireacht.<sup>807</sup> Fágann sin nach bhfuil le déanamh againn anois ach plé gairid a dhéanamh ar an dá ‘institiúid’ trínar cothaíodh an litríocht go príomha, an Eaglais Chaitliceach, agus an gréasán múinteoirí a bhí scaipthe ar fud Oiriaila, thart faoi dheireadh na 17ú hAoise.

Luaigh muid cheana LN G1304, ceann den dá lámhscríbhinn atá againn de chuid Chonchubhair Mhig Aodha ina ligean sé eolas a phátrún dúinn—beirt sagart a bhí

---

<sup>807</sup> Chomh luath agus a socraíodh traidisiún Oiriaila sa chéad leath den 18ú hAois, ba bheag d’fhorbairt a tháinig air ina dhiaidh sin, sa dóigh gur leasc le scríobhaithe dánta le hArt Mac Cumhaigh, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Uilliam Mac Giolla Chiaráin, agus go mórmhór leis na filí beaga áitiúla, a ligean isteach ina gcuid lámhscríbhinní ar feadh tréimhse fhada. Mar sin, bhí idirdhealú géar déanta ag lucht scríofa na lámhscríbhinní idir an rud ba litríocht ann, agus na píosaí éadroma, m.sh. amhráin ócáide, srl., ar fágadh a gcothú faoin mbéaloideas. Is amháin nuair atá an traidisiún scríofa ar tí dul as i lár na 19ú hAoise a fheiceann muid na scríobhaithe ag éirí níos réchúisí don dara huair faoin ábhar a chuir siad ina gcuid lámhscríbhinní.

iontu. An chéad uair a fheiceann muid LN G1304 tar éis dháta a scríofa, is ag sagart eile atá sí, an tAth. Philip Mac Ardghail dár cheap file anaithnid ó Cho.

Mhuineacháin dán molta i lár na 18ú hAoise, mar a dúradh thuas, agus bhí sagart eile<sup>808</sup> a thioctadh ina chomharba air sa pharóiste sin céad bliain ina dhiaidh sin ina bhailitheoir lámhscríbhinní fosta. Tugann sé sin chun cuimhne an ghairm eile lena ndeachaigh cuid mhaith de scríobhaithe na 18ú hAoise, an tsagartacht; agus ba dhídean de chineál eigin í d'fhuíollach na gclann uasal sa 17ú hAois in Oirialla, díreach mar a chuaigh cuid mhaith de theaghlaigh uaisle Bhréifne le ceird na scríbhneoireachta ag an am céanna,<sup>809</sup>

When families like O'Neill and O'Hanlon were deprived of their lands, they began for the first time to enter the Church in considerable numbers. Down to the seventeenth century, families like McDonnell, Quinn, Donnelly and Devlin, ... hardly provided a single clergyman. ... It seems clear therefore that the O'Neills and O'Hanlons, Quinns and McDonnells were ruling families and fighting families, not praying families, and that they were prepared to leave the praying in Armagh to be done by the Loughrans, Conlons, McCalls, Farrens, O'Corrs and O'Cullins. Suddenly in the seventeenth century the political and military families began to enter the Church.

Perhaps it is not entirely surprising that instead of joining the secular clergy they at first were more inclined to enter the Franciscan Order. The two South Armagh parishes of Creggan and Killeavy, which corresponded to the territories of O'Neill and O'Hanlon, both had Franciscan houses of refuge in the seventeenth century; the Franciscans of Armagh came south to Creggan, the Franciscans of Dundalk went north to Shean near Forkhill. Very soon the Franciscan tradition had taken deep root in the whole area.

Mar thacú leis sin, luann sé litir a scríobh sagart éigin darbh ainm an tAth. Paul O'Neill sa Chreagán sa bhliain 1627 ina dtugtar le fios go raibh baint ar leith ag an gcoinbheint le Coláiste Lobháin, ceangal nár briseadh ar feadh na scórtha bliain.

---

<sup>808</sup> An tAth. Séamus Ó Dúiche (*ob.*1858). Féach an cuntas air i gCaib. 2.157.

<sup>809</sup> Féach a liacht tagairtí atá ag Ó Buachalla (1975: 24) do scríobhaithe dar sloinne Ó Raghallaigh sa 17ú hAois agus na beathaisnéisí i gCaib. 2.202 – 2.213.

Duine amháin de na seanuaisle a chuaigh le sagartacht ab ea é an tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill (*fl.c.1726-44*), a rinne formhór a chúrsa staidéir sa Róimh, cé gur féidir gur chaith sé seal i Lobbáin thart faoin mbliain 1729. Mar shagart croíúil dhánta Airt Mhic Cumhaigh is mó atá clú air, ach bhí sé ina scríobhaí fosta, agus tá lámhscríbhinn chráifeach óna láimh ar coimeád in Chicago. Ba dó a scríobhadh ARÉ 24L18 (*b*) (128) sa bhliain 1734, ach ní dóigh gur féidir a áiteamh gur phátrún sa ghnáthchéill é, óir ba shagart áitiúil eile, Cormac Mac Cuan ó pharóiste Chill Shléibhe, a ghráf dó í, agus tharlódh ceangal éigin a bheith ag Cormac leis an gcoinbheint fosta. An pháirt lárnach a bhí ag na tithe eaglasta seo i mbailiú agus in athscríobh lámhscríbhinní, is leor mar theist orthu a mhéad acu lenar féidir lámhscríbhinní a cheangal anois—Ard Mhacha; Dún Geanainn; agus An Chúil Mhór i dTuaisceart Laighean, mar aon leis an gcoinbheint Dhoiminiceach i nGabhla, Co. Fhear Manach; bráthair amháin ar a laghad a bhí lonnaithe i gCill Chua, Co. an Dúin; agus cuid eile acu siúd a bhí i nDroichead Átha ag deireadh na 17ú hAoise agus san 18ú hAois. A bhfuil dá saothair againn ní líonfadh sé seilf, ach thuigfí ag an am céanna go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an dá *locus refugii* sin Ard Mhacha (sa Chreagán) agus Dhún Geanainn.<sup>810</sup> Is éard a thuigfí as lámhscríbhinní ar nós ARÉ 24L18 (*b*) (128), nárbh iad na bráithre féin amháin a bhí ag babhtáil idir an dá choinbheint. Dhealródh sé gur beag nach raibh coinbheint amháin déanta díobh faoi 1760 (Mooney 1955: 80) toisc a láidre a bhí na ceangail eatarthu. Cé nach bhfuil sé soiléir go ndearnadh mórán scríbhneoireachta iontu roimh *c.1717*, tháinig slán cóip de ‘Eochairgiath an Aifrinn’ a scríobh Séamus Ó Gribín idir na blianta 1698 agus 1699, scríobhaí ar féidir go raibh cónaí air ar eastát Brownlow, dar le Cunningham & Gillespie (2000: 146). Tá nóta sealbhóra uirthi a léiríonn gur le coinbheint Ard

<sup>810</sup> Féach Mooney (1955), maidir le bunú agus stair ghinearálta an dá choinbheint seo, a bhain leis an Treas hOrd. Tugtar cuntas ar choinbheint de chuid an Chéad Oird a bhí sa dúiche thart ar Dhún Geanainn in Mooney (1954).

Mhacha í uair. An lámhscríbhinn sin ó láimh an Ath. Feidhlimidh Ruadh, d'éirigh le hÓ Fiaich (1957) a chruthú gur shagairt iad cuid mhaith de na sealbhóirí a shínigh í trí na blianta, an James Bermingham ag a raibh sí i nGaillimh sa bhliain 1736 agus eile, ní a mheabhraíonn go maith dúinn a éifeachtaí is a bhí struchtúr corraithe leathscriosta na hEaglaise Caitlicí i scaipeadh ábhar an Fhrith-Reifirméisín, agus cuid den ábhar seo i bhfoirm lámhscríbhinní Gaeilge.

Ba thoradh nádúrtha ar an tóir a cuireadh ar théacsanna an Fhrith-Reifirméisín, agus an dóigh ar tháinig deireadh leis an scéim foilsitheoireachta go grod ina dhiaidh sin, gur thosaigh, mar a luadh cheana, ar shleachta as na saothair sin agus cóipeanna iomlána díobh a chur ar fáil i bhfoirm lámhscríbhinní le go mbeadh fáil orthu, ní a léiríonn go maith an gá a bhí ann le scríobhaithe a bhí in inmhe an méid a bhí rompu a chóipeáil go meicniúil agus a bheith dlíis don ábhar bunaidh. Rúnaithe cumasacha, agus ní scoláirí, a bhí iontu. Is féidir gur sa chomhthéacs ginearálta seo a d'fhás an traidisiún lámhscríbhinní in Oiriaila, agus gur thosaigh sé a dhéanamh de réir a dhóighe féin ann ag tús na 18ú hAoise. Do na sagairt a bhí i mbun seanmóirí a thabhairt, thug na leabhair seo lear mór ábhair gharbha dóibh ar arbh fhéidir leo tarraingt, agus in ainneoin gur bhain cuid de na sagairt lá ní b'fhaide anonn leas as an *English character* le téacsanna a scríobh, is dearbh go n-éascódh cumas i scríobh na teanga an cúram a bhí orthu. Fágann sin go raibh gá le córas éigin trínarbh fhéidir scríobh na Gaeilge a fhoghlaim, agus in ainneoin gur cuireadh amach tráchtas ghramádaí ar an Mór-Roinn leis an mbearna sin a líonadh, is dóigh go bhfuair na sagairt féin tuiscint éigin ar an nGaeilge mar chuid den scolaíocht a cuireadh orthu anseo.<sup>811</sup>

---

<sup>811</sup> Ní hionann sin agus a rá gur phríomhábhar scoile í an Ghaeilge san 18ú hAois, áfach, ach is eol dúinn go múineadh roinnt máistrí an Ghaeilge mar ábhar 'roghnach', ar nós Shíomóin Uí Mhacain,

Ní eile, caithfidh sé go ndeachaigh na feachtais a bhí ar bun ar an Mór-Roinn, an taighde ar stair na hÉireann agus priontáil an ábhair chráifigh i Lobháin, i bhfeidhm go mór ar na mac-chléirigh ann, mar aon leis an spéis a bhí á cur i gcúrsaí Gaeilge sna coláistí eile agus i measc na seanuaisle agus na nÉireannach eile a bhí ar díbert anonn—na cúinsí inar cruthaíodh lámhscríbhinní tábhachtacha ar nós an *Duanaire Finn* (1627)—caithfidh sé gur fhág sin a rian orthu, mar aon leis an oiliúint a bhí á cur ar fáil ann dóibh fosta. Chomh mall leis an mbliain 1712, tchíonn muid mac léinn i Lobháin, Labhrás Ó Cathaláin, ag tabhairt tráchtas ar léamh na Gaeilge do léachtóir ann, an tAth. Séaghan Ó Donnghaile, ach ní mór go bhfuair a mbunáite oiliúint éigin i scríobh na teanga sula ndeachaigh siad thar sáile—nó b’in an rud a tharla i gcás Labhráis é féin, is dóigh. Cinneadh ag caibidil de chuid na nDoiminiceach sa bhliain 1734, agus an tAth. Brian Mhac Éanraoidh ó Dhroichead Átha i gceannas uirthi, nár cheart bráthair a ligean isteach san Ord nach raibh Gaeilge ar a thoil aige (Murray 1928: 250-1). Chonaic muid tagairt cheana do thiomna<sup>812</sup> ó Cho. na Mí a scríobhadh in 1753 ina dtugtar le tuiscint go meastaí gur cheart *litearthacht* sa Ghaeilge a bheith ag an té a bheadh ina shagart sa taobh sin tíre, agus dhealródh sé gur mar sin a bhí go dtí go ndeachaigh Galldú na hEaglaise faoi lán seoil ón dara leath den aois sin ar aghaidh, agus go háirithe nuair a osclaíodh Coláiste Naomh Pádraig.

B’fhéidir gur leor sin mar mhíniú ar an luí ar leith a bhí ag an dá shlí bheatha sin le ceird na lámhscríbhinní, gurbh iad an bheirt fhear ba dhóichí a bheith in ann Gaeilge a scríobh in aon pharóiste in Éirinn an máistir scoile agus an sagart, fir ar chuid riachtanach dá slite beatha an litearthacht (sa Bhéarla nó sa Laidin), fir ar cuireadh

---

agus is dóigh le hÓ Muirgheasa (1916: v-vi) gurbh in an rud a dhéanadh na máistrí, .i. ábhar Gaeilge a chur faoi bhráid na mac léinn (*adults* amháin, dar leis, ach ní fheicim bunús leis sin) a léirigh spéis sa teanga nó sa litríocht.

<sup>812</sup> Féach Caib. 1.4.1.2 thuas.

oilúint orthu, agus a raibh go leor ama acu le hábhar eile a scríobh mar chaitheamh aimsire dá mba thoil leo sin a dhéanamh; ní haon ionadh é go dtagann cuid mhaith den ábhar atá againn ó lámha na droinge a chuaigh leis an dá ghairm seo, agus gur fhág sin a rian ar na lámhscríbhinní. Is soiléir ó leabhar Anthony Dopping, Easpag Protastúnach na Mí, go raibh cuid mhaith ‘Popish schoolmasters’ sa deoise sin cheana faoi na 1680í, cuid acu ag teagasc na Laidine agus na fealsúnachta—tharlódh sé gurbh ar mhac-chléirigh a bhí na scoileanna sin dírithe, agus is féidir go raibh baint acu le scaipeadh litearthacht sa Ghaeilge sa cheantar seo.<sup>813</sup> I gCo. na hIarmhí, bhí acadamh nó *coláiste* curtha ar bun ag Muiris Ó Fearghail faoin mbliain 1725, arb ionann é, is dócha, agus an té a bhí ag déanamh staidéir in Alcalá deich mbliana ina dhiaidh sin. Is dócha gur scoil chlasaiceach nó Laidine a bhí ann (Ó Fágáin 1985: 103-4) agus is spéisiúla an ní é, dá bhrí sin, gur i lámhscríbhinn Ghaeilge amháin a fhaigheann muid tagairt don choláiste seo: nóta de chuid an scríobhaí, Uilliam Ó Fearghail, á rá gurbh ann a grafadh í. Bhí baint ag an sloinne sin leis an Eaglais i dTuaisceart Laighean.

Tagann den mhéid sin: (i) go bhfuil gíotaí againn a thaispeánann go raibh traidisiún scríofa éigin in Oiriaila sa 17ú hAois a bhí ceangailte leis na príomhtheaghlaigh; (ii) go raibh ionaid bhisiúla eaglasta ann a raibh ceangal acu le léann na Gaeilge i dtréimhse na Nua-Ghaeilge, agus roimhe sin, b’fhéidir; agus (iii) go bhfuil an litríocht á seachadadh trí chórais eile—scoileanna agus eile—nuair a éiríonn an pictiúr soiléir, gur féidir gur forbraíodh an traidisiún lámhscríbhinní in Oiriaila, gan é a bheith ag brath go hiomlán ar thionchar inimirceach ó dhúichí liteartha eile. Is fíor go raibh tionchar éigin ag lámhscríbhinní Bhréifne ar Oiriaila ó thaobh ábhair agus eile, ach luíonn sé sin le céill, tharlódh sé go raibh sé ar na dúichí liteartha ba

---

<sup>813</sup> Féach Caib. 1.3.1 thuas.

bhisiúla sa Tuaisceart, agus gur ghaire é d'Oiriolla ná na ceantair i gCúige Mumhan inar leanadh de leabhair a scríobh. Ní hionann sin agus a rá nár shroich téacsanna Oiriolla ó aon áit eile seachas Bréifne féin; chonaic muid cheana gur scaipeadh téacsanna áirithe Muimhneacha, agus nua-chumadóireacht ghrúpa Bhaile Átha Cliath sa dúiche. Is é rud a deirim gur féidir teacht ar mhíniú ar fhás na litearthachta in Oiriolla san 18ú hAois gan brath ar theoiricí faoi ghluaiseacht pobal difriúil, ach níl an cheist seo gar do bheith réitithe faoi láthair.

Ceist eile ar fiú súil ghéar a chaitheamh uirthi is ea an tionchar ó thaobh stíle agus ábhair de a bhí ag téacsanna ó cheantair eile ar litríocht Oiriolla ar an móróir, tharla nach bhfuil mórán againn ón gceantar a scríobhadh roimh c.1680. Ós féidir a rá nár thug lucht saothraithe na litríochta—idir phrós agus fhilíocht—droim láimhe do mhúnlaí liteartha na seanaimsire, díreach mar is féidir a rá i dtaobh cuid den traidisiún Muimhneach, is mó is ábhar spéise é gur féidir a léiriú go raibh an múnla 'Ultach' filíochta sin, trí rainn agus amhrán, á chleachtadh i gceantair liteartha eile sa 17ú hAois. De réir taighde atá déanta cheana féin ag Ó Baoill (1984) agus ag Ó Dochartaigh, dealraíonn sé go dtagann na samplaí is sine den stíl seo dáin as lámhscríbhinní Muimhneacha, agus gach cosúlacht orthu gur sa Mhumhain a cumadh iad. Mar sheánra liteartha, is ar éigean is féidir smaoineamh ar ní ar bith eile ba mhó a cheanglófaí le lámhscríbhinní Chúige Uladh agus leis an 18ú hAois, le lámhscríbhinní páipéir Oiriolla ach go háirithe, ach dealraíonn sé go raibh sé á chleachtadh ar bhonn náisiúnta tráth, rud a théann go maith leis an tuairim go mbíodh na ceantair liteartha éagsúla ag dul i dtionchar ar a chéile suas go dtí deireadh na 17ú hAoise, c.1680, de réir thomhas Uí Mhórdha (2004: 76), nuair a théann an claonadh chun cúigeachais go mór i dtreise sa dóigh nach scaiptear cuid mhaith den ábhar áitiúil ar bhonn náisiúnta a thuilleadh. Is iad na téacsanna deiridh,



is dóigh liom, a cumadh i gCúige Uladh agus a shroicheann lámhscríbhinní na Mumhan leithéidí ‘Comhairle Mhic Clámha’ le hEoghan Ó Donnghaile, is dóigh, a scríobhadh c.1680,<sup>814</sup> cé gur tháinig dánta de chuid *Iomarbhá na Láimhe Deirge* [c.1691]<sup>815</sup> ó Albain in ainneoin an chuid is mó de na filí a bheith lonnaithe áit éigin i lár nó in oirthear Chúige Uladh. Chonaic muid cheana go raibh ceangail ag scríobhaithe ar nós Sheoin Mhic Sholaidh le scoláirí ó Chúige Chonnacht, agus gur shroich cuid mhaith téacsanna an Tuaisceart tríd an ngréasán scríobhaithe a bhí ag obair i mBaile Átha Cliath chomh fada siar le 1682. D’fhéadfadh sé gur cheart ‘Parliament Chloinne Tomáis’ a áireamh ina measc.

Ba chóir go mbeadh sé soiléir nach bhfuil i gceist anseo ach tús taighde, roinnt tagairtí fáin a cuireadh le chéile go garbh díreach le tabhairt le fios go bhfuil gá leis go scrúdófaí na teoiricí a bhaineann le haistriú poba(i)l ó bhonn, agus go measfaí an corpas lámhscríbhinní atá againn go pointeáilte mar chuid den taighde seo. Is chuige sin a thugtar an t-eolas ar bheathaí na scríobhaithe i gCaib. 2, ach beidh i bhfad níos mó ná sin ag teastáil. An té a mbeadh caolseans aige teacht ar an bhfreagra sin, ar éirim an scéil, ní mór go mbeadh ábhar na lámhscríbhinní is luaithe atá againn (suas go c.1740, abraimis) scrúdaithe agus aicmithe de réir a gcineáil aige, go mbeadh forbairt agus meath na gceantar liteartha eile idir 1650 agus 1750 measta aige, iarthar Chúige Mumhan agus an dúiche thart ar Phort Láirge ach go háirithe; go mbeadh

---

<sup>814</sup> Féach nóta 506 thuas.

<sup>815</sup> Iomarbhá a cuireadh ar bun idir beirt fhilí de chuid Chúige Uladh—Diarmaid Ruadh mac Laoisigh Mhic an Bhaird (féach nóta 564 thuas) agus Eoghan Ó Donnghaile (féach nóta 506 thuas)—nó gur chuir file Albanach a ladhar isteach sa scéal. Tá cóipeanna de chuid de na dánta i lámhscríbhinní a grafadh i gCúige Mumhan. Cuireadh na dánta tosaigh i gcló i gnuasach pháipéir Cameron (1894: 291-9), agus an t-ábhar Albanach (nach coitianta sna cóipeanna Éireannacha) in eagar ann; agus tá Ó Riain (2011) tar éis giotáí eile a chur in eagar ó LN G127—rainn bhineacha fhánacha a léiríonn go raibh baint ag Eoghan Mac an Bhaird leis an scéal, agus é ar thaobh a athar, Diarmaid Ruadh. Tá na giotáí seo, agus dán fada eile le hEoghan Ó Donnghaile, *Inneasad cionnas frith ar dtús*, in OB G6, lgh 1-4. Stadann an dán deiridh seo tar éis cúpla rann, ach tá an chuid eile den lámhscríbhinn chéanna caite isteach in LPBF 6; dhealródh sé gur scaradh na duilleoga óna chéile le linn dóibh a bheith i seilbh Roibeaird Mhic Ádhaimh. Féach nóta 2439 i dtaobh na lámhscríbhinne sin, LPBF 6. Thart faoi lár na 18ú hAoise a scríobhadh í, ar an bpeannaireacht.

fréamhacha liteartha na litríochta a raibh tóir uirthi in Oirialla pléite go mion aige, gan trácht ar lucht a scríofa; go bhféachfadh sé chuige go mbeadh tuiscint dhomhain aige ar stair shóisialta agus eaglasta an cheantair seo, ar an móróir, agus na gceantar fá gcuaird; go mbeadh súil caite aige ar thionchar an chló agus an Fhrith-Reifirméisin go mórmhór agus ar ar scaipeadh de litríocht Ghaeilge sa dúiche tríd an modh sin, agus sin a bheith glanta agus curtha i ndiaidh a chéile go maith aige. Tharlódh sé go mbeadh air tabhairt faoin staidéar seo ní mar chuid de phlé ar oidhreacht lámhscríbhinní an Tuaiscirt, ach mar shainstaidéar ar ghné amháin d'fhorbairt na Nua-Ghaeilge agus ar fhorbairt na teanga go ginearálta—a bhfuil againn de lámhscríbhinní Oirialla; agus tharlódh sé, iomorra, go bhfaigheadh sé bia stóinsithe lena shásamh agus lena chrá seal iontu.

## Caib. 2: Beathaisnéisí

### 2.1. Criostóir Aindreamha, 1764(?)–1860

[Christopher Andrews]

**ARÉ 3C4ii (1019).** Formhór di. Tairngreachtaí (i mBéarla),<sup>816</sup> ‘The Humble Petition of Denis McCarty of the County Kerry’, ‘Mac na Míchomhairle’, dánfhocail, ‘Riaghail Uí Dhubhagáin’, laoi fiannaíochta, ‘Sailm na Marbh’, dánta le Séamus Mac Cuarta agus Bonabhentura Ó hEodhasa, ‘Dick Duff’s Will’. Droichead Átha<sup>817</sup> 1808-10.

I mí na Bealtaine 1808, chóipeáil Séamus Ó Fearghail [2] (*q.v.*), scríobhaí ó Bhaile Uí Mhatháin i gCo. an Longfoirt, laoithe fiannaíochta agus téacsanna eile do Chriostóir Aindreamha ó Dhroichead Átha.<sup>818</sup> Chuir Criostóir féin leis an

---

<sup>816</sup> Is é is cuspóir leis na liostaí ábhar seo tuairim éigin a thabhairt don léitheoir faoin gcineál ábhair a ghráf an scríobhaí, agus a ilghnéithí, nó a mhalairt, atá a chuid saothar. Níor chuir mé de chúram orm féin teidil na dtéacsanna a chaighdeánú go rómhór, ach an litriú a cheartú beagán. Ciallaíonn sé sin go mbíonn teidil dhifriúla ar théacsanna áirithe ó áit go chéile. Ní thugaim ach ainm an údair i gcás filíochta, agus ní bhactar le laoithe fiannaíochta, búrdúin, rainn, ginealaigh, ábhar leighis, urnaithe, srl., a phlé go rómhion. Áit ar bith a ndeirtear gur scríobh an duine seo nó siúd dán áirithe sna catalóga, glacaim leis sin ach amháin sa chás go bhfuil údar maith agam lena rá nach é an té a luaitear an saothar leis sa chatalóg an té a scríobh. Is nós, ar ndóigh, tairngreachtaí agus dánta cráifeacha a leagan ar leithéidí Choluim Chille, Naomh Pádraig, nuair a ceapadh iad cúpla céad bliain tar éis a ré, ach géillim do na lámhscríbhinní.

Bíonn luaineacht mhór ar theidil na scéalta rómánsaíochta ó áit go chéile, agus tugann cuid de na foirmeacha neart eolais dúinn faoi staid an ghinidigh. Féach, mar shampla: (1) ‘Tóraidheacht Fiacail Rígh Gréag’, ARE 23A32 (786), 1758; ‘Tóraidheacht Fhiacail Rígh Gréag’, LB Eg. 128, 1748-9; ‘Tóraidheacht Fhiacail Rígh Gréag’, MN M103, 1762-4, ‘Tóraidheacht Fiacail Rígh Gréag’, ARE 23A25 (628), 18ú hAois, ‘Tóraidheacht Fhiacail Rígh Gréag’, LN G147, 1766; nó (2) ‘Comhrac an Chú Dhuibh’, ARE 24L34 (815), 1820-4; ‘Comhrac an Chon [*sic*] Duibh’, LN G200 (*a*), 1824-8, 1837-9; ‘Comhrac an Chú Dhuibh’, COFLA D6, 1856-7. Cinneadh ar an litriú a thabhairt chun slachta beagán. Níorbh fhurasta a bheith rialta leis seo, áfach, agus bhí orm cuid de na teidil a ghearradh píosa toisc a fhaide atá siad. Úsáidtear ‘Comhairle Mhic Clámha’ agus ‘Mac na Míchomhairle’ i ngach áit, mar shampla, áit a mbíonn lear mór foirmeacha éagsúla sna lámhscríbhinní, agus iad uilig iontach fada sa dóigh nárbh fhearrde muid iad a atáirgeadh go beacht i ngach áit.

<sup>817</sup> F. 74. Tugann sé an log ‘Dunn Dubh Ruadha’ ar f. 115; seanainm ar Dhroichead Átha ab ea é, de réir an traidisiúin bhéil. Féach an litir a scríobh Thomas O’Conor chuig Thomas A. Larcom an 24 Nollaig 1835: ‘Droichet is the name most commonly used both by the Inhabitants, who speak Irish, and by those who live in its immediate vicinity ... Sarsfield ... says, the ancient name of it was Ath dhun Ruaidhe; and Jones, says, the ancient name of it was Dun Dubh Ruaidhe’ (Herity 2012: 235). Ní fheicim go bhfuil bunús stairiúil leis na hainmneacha seo.

<sup>818</sup> Is spéisiúil gur scoir Séamus Ó Fearghail [2] den scríobh i lár an téacs ‘Laoi Chab an Dosáin’; chóipeáil Criostóir Aindreamha an téacs ó bhonn, ag tosú ar an leathanach céanna. Is gairide leagan

lámhscríbhinn idir na blianta 1808 agus 1810. Meascán d’ábhar Gaeilge agus Béarla atá inti, tairngreachtaí neamhdhúchasacha ina measc, agus baintear úsáid as an *English character* faoi dhó.<sup>819</sup> Bhí an lámhscríbhinn seo ag Brian Ó Tomaltaigh (*q.v.*) sa bhliain 1840,<sup>820</sup> agus tharraing Séamus Ó Súilleabháin uirthi sa bhliain 1828.<sup>821</sup> B’fhile Gaeilge (?) é Criostóir fosta, mar a léiríonn véarsa a scríobh duine eile sa lámhscríbhinn:

Christopher Andrews was fam’d for forming Irish verse  
and by his genius wrote without excess,  
his ability remain’d unrivalled by any in old times;  
therefore he was the only (?) for writing Irish rimes.<sup>822</sup>

D’fhéadfadh sé gur chum sé an dá phíosca ‘Connaluidh an Tascoir’—aoir ar bhráthair Caitliceach éigin—agus *Cuimhnigh an bás lá t’réis oíche* atá sa lámhscríbhinn seo, agus gan leaganacha neamhspleácha díobh a bheith ar fáil áit eile.<sup>823</sup> Bhí aithne aige ar Risteard Pluincéad [2].<sup>824</sup>

Diomaite dá bhfuil de bhearnaí ann, deimhníonn Clár na mBaistí (1815-1842) i bParóiste Pheadair gur rugadh triúr mac, Peter Andrews (1816), Pat Andrews (1819) agus William Andrews (1823), do Christopher ‘Kit’ Andrews éigin agus Anne Moran.<sup>825</sup> Is féidir, mar a fheicfear ar ball, go raibh iníon aige, Anne Hickey

---

Chriostóra Aindreamha ná aon chóip eile den laoi seo, go bhfios dom, agus níl inti ach tús na laoi agus an tríú ‘hinnéirí’.

<sup>819</sup> F. 57v; téacs darb ainm ‘Dick Duff’s Will’, ff. 116-17v. Thabharfadh an téacs seo léargas iontach dúinn ar Ghaeilge Dhroichead Átha dá gcuirfí i gcló é.

<sup>820</sup> Féach an clár lámhscríbhinní a thiomsaigh Brian Ó Tomaltaigh *c.*1840 (nóta 3571). Tá nóta (gan síniú) i bpeann luaidhe aige ar f. 90 den lámhscríbhinn.

<sup>821</sup> Le linn dó a bheith ag scríobh cuid de ARÉ 24I23 (931); féach an cuntas air thíos.

<sup>822</sup> F. 74v. Ceartaíodh na litrithe seo a leanas: *geniuous, l. 2; unrivaled, l. 3.*

<sup>823</sup> Tá cóipeanna eile de na píosaí seo in ARÉ 3B39 (250), lgh 49, 65. Peadar Ó Gealacáin a scríobh. Tugtar faoi deara go bhfuil sé líne bhreise i gcóip Pheadair Uí Ghealacáin den téacs ‘Connaluidh an Tascoir’, áfach, ach is dóigh gurbh é Peadar a chuir isteach iad.

<sup>824</sup> Tá breacadaíl i láimh Risteard Pluincéad [2] ar f. 71v. Féach CM 7(2), lch 125, ‘Christear Andearu a lamh sgriobh aos ar dtiarn[a]’; breacadh ‘1818’ ar an leathanach céanna ach ní léir gur scríobh Criostóir Aindreamha an dáta sin.

<sup>825</sup> *Clár Baistí & Póstaí, Paróiste Pheadair, Droichead Átha, 1803-4, 1815-42:*

(fl.1837-51) a chuir fúithi i mBaile Átha Cliath; agus tagraítear i bhfoinse eile do hucstaeir darb ainm Christopher Andrews a raibh iníon aige darb ainm Mary (a rugadh c.1818), agus a bhí ag cur faoi in aice le Geata Shráid na gCapall i bparóiste Pheadair faoin mbliain 1831.<sup>826</sup> Téann cuntas airgid a breacadh sa lámhscríbhinn leis an tuairim gur cheannaí ilearraí é Criostóir.<sup>827</sup> B'fhéidir gur maith an léiriú go raibh greann ann an nóta a chuir sé leis an lámhscríbhinn: 'Christopher Andrews his book ... Pray good the people do not eat it'.<sup>828</sup>

Ó tharla nach sloinne thar a bheith coitianta é Andrews, ach go meabhródh sé dúinn ag an am céanna go bhféadfadh sé gur rugadh gar don Mhí é Criostóir, is fiú dul a lorg tagairtí eile dó sna taifid chomhaimseartha. Tá tagairtí againn d'fhear darb ainm Christopher Andrews ó Dhroichead Átha a bhí pósta le bean darb ainm Anne Andrews, agus a chuaigh chun cónaí lena iníon Anne Hickey (fl.1837-51) i mBaile Átha Cliath, agus a fuair bás ann. Ar an 25 Samhain 1860 a cailleadh é, é tuairim is 85 bliana d'aois, agus cónaí air ag 71 Sr. Thomáis i lár na cathrach faoin am sin.<sup>829</sup> Deirtear gur 'Drogheda man' é ina fhógra báis, a foilsíodh ar an *Evening Freeman* an 26 Samhain 1860. Bhí a bhean marbh le roinnt blianta an tráth sin.<sup>830</sup> Ar an ábhar go bhfuil tagairtí a mheabhródh dúinn go raibh páistí eile darb ainm Patrick Andrews agus William Andrews aige, agus go raibh seasamh éigin aige i nDroichead Átha a

---

<sup>7</sup>th [Eanáir 1816]. B<sup>d</sup> Peter S: Christ<sup>f</sup> Andrews & Nancy Moran. S.S: Jos Cam<...> & M: Finegan'.

<sup>22</sup> [Márta 1819]. Pat Andrews. P.P. Kit [Andrews], Anne M(ā)oran. S.S. Thos Finigan, Eliza Quigley'.

<sup>6</sup>th [Meán Fómhair 1823]. William Andrews of Christopher [Andrews] & Anne Moore [*sic*]. S.S. Patk Finnegan & Eliza Ennis. [£ 0.] 2. 6'.

I dtaobh na mbearnaí a luaitear thuas, féach Aguisín 6.

<sup>826</sup> Quigley (1994: 80). Luaitear sa taifead seo iníon le Christopher Andrews, huxter, West Gate: Mary Andrews, a chuaigh ar scoil an 1 Meán Fómhair 1831, in aois a 13 bliana. Thug an 'Rev. Mr. Montague', Paróiste Pheadair, teistiméireacht di. Ní féidir tagairt a aimsiú di i dtaifid an pharóiste. Tugtar 'West Gate' ar Gheata Shráid na gCapall faoi láthair.

<sup>827</sup> F. [50v]. Gabhann an dáta 2 Meitheamh 1811 leis an gcuntas seo.

<sup>828</sup> F. 74.

<sup>829</sup> Féach Aguisín 6, mar a bhfuil plé ar thaifid ar féidir go mbaineann siad le Criostóir Aindreamha.

<sup>830</sup> Féach an sliocht as leabhar póstaí San Michin a thráchtann ar phósadh Pat Andrews éigin sa bhliain 1856 in Aguisín 6.

fhad is a bhí sé ina chónaí ann, dhealródh sé gur dócha gurb é an scríobhaí é. Murab ionann agus na taifid atá againn don tréimhse idir 1795 agus 1840, tá cláir réasúnta iomlán i bParóiste Pheadair do na blianta roimh 1795; caithfidh sé gur rugadh Criostóir am éigin idir 1760 agus 1795. Más sloinne seanbhunaithe é Andrews sa chomharsanacht thart faoi Dhroichead Átha, ní sloinne iontach coitianta é, mar a dúradh thuas. Tá taifead baiste amháin ann a d'fheilfeadh go measartha maith don scríobhaí—Christopherus Andrew a rugadh i bParóiste Pheadair ar an 28 Samhain 1764. Mac le William Andrew agus Anne Harmon a bhí ann.<sup>831</sup> D'fhágfadh sé sin, má ghlacann muid leis gurbh aon duine amháin (i) Criostóir an scríobhaí; (ii) an Kit Andrews ar rugadh mic dó idir 1816 agus 1823; (iii) an Christopher a fuair bás i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1860; agus (iv) an Christopher Andrew a baisteadh sa bhliain 1764, go raibh sé ag caitheamh ar 96 bliana nuair a fuair sé bás, agus go bhfuil an aois a thugtar i dtaifead báis Christopher (iii) míchruinn. B'fhéidir nach bhfuil sé chomh dochreidte sin gurbh é an scríobhaí é, tharla gur gnách go mbíonn aoiseanna seanóirí suas le 15 bliana faoin gceart i dtaifid na 19ú hAoise.

Cé nach bhfuil sé soiléir ach oiread go raibh baint ag Criostóir Aindreamha leo, is spéisiúil gur shínigh triúr léitheoirí Gaeilge ARÉ 12E25 (908), lámhscríbhinn de chuid oirthear Cho. na Mí, sa dara leath den 18ú hAois—‘I promise to return your Irish Book as soon as possible, Nicholas Andrews, A n-ai[n]m De Amen’, ‘Nicholas Andrews, his Irish Book, Dated the 6<sup>th</sup> of May 1788’, ‘... Will<sup>m</sup> Andrews ...’, ‘Peter Andrews, Dated the 20<sup>th</sup> of April 1789’.<sup>832</sup> Bhí William Andrews eile ina bhailitheoir

---

<sup>831</sup> *Clár na mBaistí*, Paróiste Pheadair, Droichead Átha, 1744-57, 1764-71, 1777-78, 1781-95:

‘28 [Samhain 1764]. Bapt. Christopherum fil. Gulielmi Andrew et Annae Harman, natam eudem die. P.P. Roberto White et Maria Garvey’.

Luaitear deirfiúr amháin leis,

‘28 [Meitheamh 1767]. Bapt. Annam fil. Gulielmi Andrew et Annae Harman natam die 26. P.P. Columbus Mathews et Maria Dunn’.

<sup>832</sup> ARÉ 12E25 (908), lgh 30, 87, 88, 88.

lámhscríbhinní sa chéad leath den 19ú hAois,<sup>833</sup> agus Andrew Andrews ina shealbhóir ar CT H.5.3 (1375) idir 1729 agus 17<sup>29</sup>/<sub>30</sub>.<sup>834</sup> Bhí an lámhscríbhinn seo gar do Bhaile Fhlín, Co. na Mí, thart faoin am sin, agus dhealródh sé go bhfuil ceangal éigin ag an sloinne seo le cúrsaí lámhscríbhinní in oirthear Cho. na Mí.

## 2.2. Uaithne Barnhall<sup>835</sup>

[? Anthony Barnewall]

CT H.5.3 (1375). Blogh di.<sup>836</sup> Giota d'amhrán.

Duine de mhuintir Barnhall Cho. na Mí ab ea é an scríobhaí seo, is dócha, agus taispeánann cuid mhaith den ábhar seachtrach sa lámhscríbhinn gur chaith sí tamall i ndeisceart an chontae go luath san 18ú hAois, go gairid i ndiaidh do Chormac Mac Parthaláin scor dá scríobh sa bhliain 1698. Mheabhródh an giota seo ó láimh Uaithne nach raibh sé ach ag tosú ar an nGaeilge a scríobh, agus is doiligh a bheith cinnte cá

<sup>833</sup> Don mháistir scoile seo, William Andrews (*fl.*1823-36(?))—arb ionann é, b'fhéidir, agus an té a luaitear i dtaifid na Suirbhéireachta Ordanáis do Cho. na Mí (1835-6)—féach a bhfuil i gcló in de Brún (2009: 132), ach go bhfuil an nóta deiridh le scriosadh in de Brún (2009: 132), ar ndóigh, mar gheall ar na dátaí a luadh thuas.

<sup>834</sup> Féach an plé ar lámhscríbhinn Chormaic Mhic Pharthaláin i nóta 836 thíos.

<sup>835</sup> Féach an litriú i nóta 836.

<sup>836</sup> CT H.5.3 (1375), lch 103. In aice leis an ngiota, tá an t-ainm 'Uait[h]ne' sa láimh chéanna, agus an chuma uirthi gurbh é an 'Uait[h]ne Barnmuall' a shínigh lch 91 a scríobh é. Ar lch 128, tá an t-ainm 'Anthony Barnewall'.

B'fhéidir nár mhiste beagán a scríobh ar na lámha seachtracha atá sa lámhscríbhinn seo, mar léiriú don léitheoir ar a dheacra agus atá sé iad a chur ina n-ord. Scríobh Cormac Mac Parthaláin an lámhscríbhinn, seachas giotaí i gcúpla áit, idir na blianta 1696 agus 1698, agus ní luann sé áit scríofa. Ní luaitear ach na nótaí léitheora is tábhachtaí: (1) **Christopher Barnewall**, gan dáta, '[—]—M<sup>f</sup> Chris<sup>f</sup> (?) Barnewall] att Fleenstown ine County [ ]', lch 57; (2) **Uaithne Barnhall**, gan dáta, 'Uait[h]ne Barnmuall', 'Uait[h]ne', 'Anthony Barnewall', lgh 91, 103, 130; (3) **Aodh Ó Dálaigh**, gan dáta [? c.1730, ar luaineacht na peannaireachta, agus an litriú *Aodha (ain., cusp.)*, tréith de na lámhscríbhinní a scríobh Aodh in aois a óige], scribleáil, athnuachan agus sínithe Aodha Uí Dhálaigh (m.sh. 'Gac[h] duine da [bh]feachoidh da leigheadh ... guidh go gear <ar> Aodh mac Sea[i]n I Dalaigh', lch 113), lgh 20, 21, 25, 46, 100, 103, 113, agus áiteacha eile; (4) **William Dowdall**, gan dáta, a shíniú ar lch 168. D'fhéadfadh sé gur ag déanamh aithris ar pheannaireacht Aodha a bhí Uaithne. Tá cúpla nóta eile a bhfuil dátaí cruinne curtha leo, (5) **Ludovicus Dempsey**, 1709, 1710—dhá nóta ar lgh 163, 165, féach an *T.C.D. Cat.*, 231; (6) **Andrew Andrews**, 1729, 17<sup>29</sup>/<sub>30</sub>, 'Andrew Andrews his Book 17<sup>29</sup>/<sub>30</sub>', 'Andrew Andrew his Book December y<sup>e</sup> 30<sup>th</sup> 1729', 'Andrew Andrews', 'Andrew Andrews', lgh 47, 103, 115, 117; (7) **Michael Connolly**, 17<sup>29</sup>/<sub>30</sub>, 'Michael Connolly his hand this 19 day of March 17<sup>29</sup>/<sub>30</sub>', lch 21.

Dhealródh sé go raibh baint ag (1), (2) agus (3) le chéile, agus gur shroich an lámhscríbhinn (3) trí nó i gcomhlúadar (1) nó (2), agus Baile Átha Cliath trí (3), b'fhéidir, nó thart faoi 1730. Ní féidir liom (4) a chur san amlíne, ach déantar anseo iarracht shealadach ar na sealbhóirí a chur ina n-ord ceart, Cormac Mac Parthaláin > ... > (5) ... > (6) > (7) ... > (1) ~ (2) ... > (3) ... > Coláiste na Tríonóide. Fágann sin gur dócha go raibh Uaithne Barnhall ina bheatha thart faoin mbliain 1730.

huair a rinneadh seo—am éigin idir 1700 agus 1730, b'fhéidir, agus dá mhaille sa tréimhse sin is ea is fearr.<sup>837</sup> Shínigh M<sup>r</sup> Chris<sup>r</sup> Barnewall ó Bhaile Fhlín, gar do Ráth Tó, Co. na Mí, an lámhscríbhinn fosta, agus bhí sí idir lámha ag an Andrew Andrews (*fl.*1729-30) a luadh i gCaib. 2.1 thuas, agus Aodh Ó Dálaigh, an scoláire Gaeilge, thart faoin am sin. Tá cosúlacht nach beag idir peannaireacht Uaithne agus Aodha, agus ní fios ar scríobh Uaithne giotaí nó lámhscríbhinní eile.

### 2.3. Michael Bennett, 1786–

**COFLA D3 (a).** ‘Fís Mherlino’, búrdúin agus dánfhocail, nótaí ar an Aifreann. 1810.

Ba dheartháir é an scríobhaí seo le hArt Mhac Bionaid (1793-1879), de réir dealraimh.<sup>838</sup> Ní fada ó stíl Airt peannaireacht Michael. Más fíor don liosta breitheanna atá i láimh a athar, John Bennett (1760-1829), b'fhéidir, agus a caitheadh isteach i lámhscríbhinn de chuid Airt Mhic Bhionaid,<sup>839</sup> rugadh Michael sa bhliain 1786, agus ba é an mac ba shine a bhí ag John Bennett. I measc ábhar na lámhscríbhinne, tá tráchtas ar an dóigh a dtugtar Aifreann de réir ghnáthnós na nDoiminiceach, ach go bhfios dom, ní raibh aon sagart nó aon bhráthair darbh ainm Michael Bennett i nDeoise Ard Mhacha go luath sa 19ú hAois.<sup>840</sup>

---

<sup>837</sup> Mar a luadh i nóta 836 thuas.

<sup>838</sup> Glactar leis sin in Ó Tuathail (1934) agus in Ó Muirí (1994: 20).

<sup>839</sup> Féach an giota páipéir atá ceangailte le COFLA D10 (Ó Fiannachta 1980: 14). Tá cóip de i gcló in Ó Tuathail (1934) agus in Ó Muirí (1994: 4); tugaim cóip eile de sa chuntas ar Art Mhac Bionaid i gCaib 2.40 thíos.

<sup>840</sup> Ní hionann sin agus a áiteamh nach bhféadfar sin a léiriú amach anseo, ach is é rud nár tháinig ní ar bith ar mo láimh sna gnáthfhoinsí a dheimhnikh an scéal dom, agus ní heol dom go ndéanann Art tagairt ar bith do dheartháir leis a bheith ina shagart nó ina bhráthair áit ar bith.



**LB Eg. 170 (a).** Cuid di. Búrdúin agus dánfhocail, ‘Comhradh an Anma agus an Choirp’, ‘Eachtra Mhic an Iolair’.<sup>841</sup> 1705.

Tagraítear do ‘Henry Murtagh’, is é sin Henrí Mhac Muircheartaigh (*q.v.*)—an scríobhaí as an gCillín, in aice le Scrín Cholaim Cille sa Mhí—i ndrúacht conartha a cuireadh le cuid Shéamuis Bhiataigh de LB Eg. 170 (*a*), agus is ar an mbonn sin, is dóigh, a mheas Flower gur bhain an scríobhaí seo le Co. na Mí.<sup>842</sup> Bhí seanteaghlach dar shloinne sin suite i Maigh nEalta sa tréimhse sin agus thug cuid acu tacaíocht do Rí Séamus II (VII) in aimsir Chath na Bóinne.<sup>843</sup> Chuirfeadh a chuid peannaireachta biorraí slachtmhaire lámhscríbhinní na 17ú hAoise i gcuimhne don léitheoir.<sup>844</sup> Scríobh Risteard Tuibear an chuid eile den lámhscríbhinn sa bhliain 1724, agus d’éirigh le Ní Mhunghaile (2010: 273) í a cheangal leis an ‘old quarto book with a black parchment cover, with some stains of oyle & wrote by different hands’ dá dtagraíonn Muiris Ó Gormáin i gcatálog na bliana 1761.<sup>845</sup> Leid bheag eile go raibh aithne éigin ag Séamus Biatach ar chuid de scoláirí Cho. na Mí, iad siúd a raibh baint acu le Baile Átha Cliath, is ea go bhfuil cóip de *A Ghearóid ná déana fanomhaid fá mo dháil le mnaoi*—aoir a ceapadh ar Ghearóid Mac Con Midhe—i láimh Shéamuis in LB Eg. 170 (*a*). Is dóigh go léiríonn seo gur cheart do Ní Mhunghaile (2011: 137;

<sup>841</sup> Scríobh Risteard Tuibear an dara cuid den chóip seo (ff. 36-53) sa bhliain 1724, *B.M. Cat.*, ii, 352.

<sup>842</sup> F. 12b. Féach an *B.M. Cat.*, ii, 352.

<sup>843</sup> Gheofar tagairtí dóibh in D’Alton (1855: 90-2). Cé nach féidir a chruthú gur bhain an scríobhaí seo go gairid leis an teaghlach sin ná go raibh baint aige le himeachtaí na tréimhse sin, is géarú goile é an nóta beag a chuir sé leis an lámhscríbhinn: ‘Truagh mar atáim, 7 gan furtacht damh adhail o curudh ar sáile Séamus acht ag osna go brath’, f. 4. I gcló thuas i gCaib. 1.3, colafon 105.

<sup>844</sup> Tá roinnt tréithe peannaireachta i gcoitinne ag lámh Shéamuis agus lámh an scríobhaí anaithnid a ghráf LBO Rawl. B477 (25), lámhscríbhinn a scríobhadh i gCo. Mhuineacháin nó i gCo. Thír Eoghain sa bhliain 1678; féach Pláta 44 in Ó Cuív (2003: 44). Maidir le LBO Rawl. B477 (25), féach Falconer (1958*a*) agus Ó Cuív (2001: 105-10).

<sup>845</sup> Ba in Ní Mhunghaile (2008; 2010), an dá thagairt a tugadh cheana, a rinneadh plé ar ábhar na catalóige seo, ceann de na trí chatalóg a chuir Muiris Ó Gormáin (*q.v.*) le chéile idir 1761 agus 1776. Féach nóta 2868. Is í mír 69 i gcatálog na bliana 1761 í LB Eg. 170. Tá an lámhscríbhinn smálaithe go mór agus ní féidir codanna den chéad chúpla duilleog a léamh gan dua.

2014: 112; 2015: 554), a thacair neart eolais faoi, an scríobhaí seo a lua ina cuntais siúd ar lámhscríbhinní Cho. na Mí, ach ní dócha gur féidir talamh slán a dhéanamh de gurbh i gCillín féin a bhí cónaí ar Shéamus ar an mbonn go raibh aithne aige ar Henrí Mhac Muircheartaigh.

## 2.5. Aindrias Briosaín, ob.1797

[Andrew Bryson]

**LPBF 37 (h).** Seanmóir Gaeilge. Dún Geanainn, Tír Eoghain 1786.

Is mar gheall ar dhá rud is mó a chuimhnítear ar an Oir. Aindrias Briosaín, an ministéir Preispitéireach a raibh cónaí air i mBaile Mhic Scanláin: gur dheartháir é leis an bpoitigéir agus scoláire Gaeilge mór le rá sin, Somhairle Briosaín (*q.v.*) ó Bhéal Feirste; agus gurbh é an té ar ar fágadh an cúram focail na n-amhrán a scríobh ag Féile na gCruitirí i mBéal Feirste sa bhliain 1792, sin agus nár tháinig sé i ndeireadh na dála. Ní dócha go dtugann sin a cheart dó, fear a chuir spéis i dteanga agus i seandachtaí a thíre dúchais. Diomaite de go bhfuil tagairtí dó i gcuid mhaith leabhar a bhaineann le Féile na gCruitirí agus le stair na hEaglaise Preispitéirí trí chéile, is iad na cuntais is mine a rinneadh ar a bheatha go dtí seo Blaney (1996: 45-6), Hughes (2006: 49-50), agus Johnston (2013: 64-7), ar mhór an gar iad agus an cuntas seo á réiteach.

Thig linn tosú leis an mbeagán atá ar eolas againn faoi bhlianta a óige. An dara mac leis an Oir. James Bryson a bhí ann, ministéir Preispitéireach a rugadh tuairim na bliana 1730 in Ard Mhic Nasca, Co. an Dúin (Ó Buachalla 1968: 53). Ní féidir a bheith cinnte cá háit nó cá huair a saolaíodh Aindrias, ach is follas ó thagairtí don scolaíocht a cuireadh air gur dóigh gur rugadh é thart faoin mbliain 1755. Níor rugadh a dheartháir, Somhairle, an 21ú mac le James Bryson, go dtí an bhliain

1776,<sup>846</sup> tar éis don teaghlach bogadh go Béal Feirste sa bhliain 1774. Dhealródh sé, mar sin, gur beag am a chaith Aindrias ina chónaí i mBéal Feirste, agus gurbh i gCo. an Dúin a cuireadh oiliúint air. Má tá seasamh ar bith ag na scéalta sin go raibh baint láidir ag muintir Mhic Néill agus a lucht comhaimsire le scoil Phódraig Uí Loingsigh i Loch an Oileáin, is féidir gurbh ann a d’fhoghlaim Aindrias léamh agus scríobh na Gaeilge. Níl ann ach tuairim gan bhunús, áfach, agus thig linn a bheith sásta nárbh iad muintir Loingsigh an t-aon teaghlach amháin i gCo. an Dúin a mbeadh ar a gcumas scríobh na Gaeilge a theagasc. Bhí an-cheangal ag muintir Aindriasa le muintir Uilliam Mhic Néill, agus dhealródh baint iontach láidir a bheith ag Pádraig Ó Loingsigh leis an Oir. Uilliam Mac Néill, toisc go meastar gur chuidigh Pádraig leis codanna dá *Introduction to the Irish Language* (1808) a leagan amach.

Chuaigh Aindrias go Dún Éideann lena chúrsa staidéir a dhéanamh, agus tá sé ainmnithe i dtaifid an choláiste ón mbliain 1779 amach (Blaney 1996: 45). Bhain sé máistreacht amach sa bhliain 1782, agus thug cléirtheach Bheannachair ceadúnas dó ar an 6 Meán Fómhair 1785 (Blaney 1996: 45-6). Chaith sé na blianta idir 1786 agus 1796 ina mhinistéir i nDún Dealgan, áit ar rugadh ceathrar, go bhfios dúinn, dó agus dá bhean chéile, ‘Miss McGlately’—níl a hainm baiste ar eolas, dealraíonn sé. Taifead nithiúil ar an spéis a chuir cuid mhaith Preispitéirigh liobrálacha sa Ghaeilge is ea í lámhscríbhinn Aindriasa, ina bhfuil seanmóir a thug sé cúpla uair agus i gcúpla áit ar leith le linn dó a bheith ina mhinistéir i nDún Dealgan. Más ea go léiríonn an t-ábhar go raibh sé in ann an teanga a scríobh go cruinn, chinn sé ar an script choiteann a úsáid agus é á scríobh. Is é an t-aon chuid den ábhar Gaeilge a scríobhadh sa tseanscript an leathanach teidil, agus sin ar mhaithe lena mhaisiú

---

<sup>846</sup> Bhí Somhairle Briosaín nasctha le Co. an Dúin, nó bhí an lámhscríbhinn cháiliúil sin, LPBF 43—a bhfuil baint láidir aici le Co. an Dúin—agus eile ina chnuasach lámhscríbhinní. Déantar plé ar chuid de na leabhair sa chuntas ar an scríobhaí i gCaib. 2.6 thíos, agus ar na ceangail eile a bhí aige leis an gcontae sin.

amháin, is dóigh. Dealraíonn sé ón leathanach teidil go ndearnadh an chóip seo, nó gur ceapadh an seanmóir, i nDún Geanainn ar an 12 Samhain 1786,<sup>847</sup> agus tá scríofa ag Aindrias faoin méid sin trí áit ar thug sé an seanmóir uaidh, agus na dátaí ar ar thug sé é—ar cheasta go léifeadh sé é san áit chéanna faoi dhó, is féidir—Dún Dealgan agus Baile Átha Cliath ag tús na bliana 1787, agus léigh sé arís é an bhliain dár gcionn, i mí Feabhra 1788. Tagraíonn Ó Casaide (1929: 28) do chóip de Theagasc Críostaí Caitliceach a bhí ina chnuasach leabhar ar ar scríobh an tOir. Aindrias a ainm i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1786.

Am éigin i ndiaidh d’eagraitheoirí Fhéile na gCruitirí ciorclán a chur thart ag deireadh na bliana 1791,<sup>848</sup> iarradh ar ‘the Rev. Andrew Bryson of Dundalk ... a person versed in the language and antiquities of the nation’ (Ó Buachalla 1968: 22) cuidiú leo briathra na n-amhrán a chur ar pháipéar, is dóigh. Níor tháinig sé lá na Féile, i mí Iúil 1792, mar is eol dúinn. D’éirigh sé as a phost ar an 22 Meitheamh 1796 (Blaney 1996: 46) ar ábhar nach fios dúinn. Is dóigh go raibh a shláinte ag teip air an uair sin. Fear measartha óg a bhí ann nuair a cailleadh é—cúpla bliain thar an dá scór, is dócha—i mí an Mhárta 1797, agus adhlacadh é i mBaile Mhic Scanláin.

## 2.6. Somhairle Briosáin,<sup>849</sup> 1776-1853

[Samuel Bryson]

ARÉ 23L22 (106).\* ‘Agallamh na Seanórach’ (cóip de ARÉ 24P5 (93)).

[c.1803].<sup>850</sup>

---

<sup>847</sup> In ainneoin go ndeir Ó Buachalla (1962: 43) gur tugadh an seanmóir i bhFochaird an 9 Meán Fómhair 1786, is éard atá scríofa ag bun an leathanaigh theidil, ‘a nDungannon an 12 la don naoi mios 1786’. Is dóigh liom go bhfuil sé soiléir go leor uaidh seo gur scríobhadh an chóip seo—nó b’fhéidir gur ceapadh an seanmóir féin—faoi choinne na Seirbhíse a bhí le tabhairt aige i nDún Geanainn thart ar an lá sin. Na trí dháta eile a luaim, is sa script rómhánach atá siad scríofa thíos faoin leathanach teidil seo, ionann is gur cuntas garbh reatha iad ar na háiteacha a raibh an seanmóir tugtha aige cheana féin, mar a dúradh thuas.

<sup>848</sup> Tá leagan den chiorclán, a eisíodh mí na Nollag 1791, is dóigh (Ó Buachalla 1968: 20), i gcló in Harbison (1986: 23).

<sup>849</sup> Lámhscríbhinn chaillte dá dhéantús ab ea í OÉG H25. Féach nóta 850 thíos.

**ARÉ 23C32 (c-d) (939).** ‘Beatha Phádraig’, ‘An Teagasc Críostaí’.

**ARÉ 24P16(2) (1069).** ‘Agallamh na Seanórach’ (cóip de ARÉ 24P5 (93)).

[c.1803].<sup>851</sup>

**ARÉ 3D8(49).**<sup>852</sup> Litir. 1811.

**LPBF 29 (b).**<sup>\*853</sup> ‘Corpus Astronomiae’ (cuid de), dánta leis an Ath. Tomás

[*al.* Cathal] Mag Ruaidhrí, Conn Ó Néill, Tadhg mac Dáire Mhic

Bhruaideadha, Seán Gránna Mac Con Midhe, an Tighearna Ab Mac

Conallaigh, ‘Duan Uí Dhubhagáin’, búrdún agus dánfhocail, giota de

Theagasc Críostaí Bhonabhentura Uí Eodhasa.

**LPBF 36 (a-b, d).** Aistriúchán Béarla ar ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, dánta

éagsúla, laoithe fiannaíochta. Béal Feirste, Aontroim 1805.

**LPBF 37 (a-e, g-h).** ‘Imthiacht Deirdre la Naoise agus Oidhe Chloinne

Uisneach’ [athscríobh ar ‘Oidhe Chloinne hUisneach’],<sup>854</sup> ‘Táin Bó

Cuailnge’, aistriúchán ar óráid Hanno (in Plautus), maille le haistriúchán

---

<sup>850</sup> Tá nóta i láimh Dhubhglais de hÍde sa lámhscríbhinn seo, ARÉ 23L22 (106), ‘This is a transcript made by S. B. of Reeves 24P5 about 1803. I have the other volume’, *R.I.A. Cat.*, 321. Ba í OÉG H25 an t-imleabhar eile a bhí i gceist aige, atá luaite mar lámhscríbhinn chaillte sa *Treoir.*, 20 n.30 § 62, ach is soiléir ó nótaí Ní Shéaghdha (1942: xxi) go raibh sí fós i gcnuasach de hÍde ag tús na 1940í, ‘Tá ls. ag an gCraoibhín (a thug sé go fial ar iasacht dom agus mé ag ullmhú an téaxa so) agus b’ é an fear céadna (S.B.) do sgríobh í. Ach is ait é le rádh nach cóip í don méid don Agallaimh ná fuil in [ARÉ] 23L22 [(106)], ach cóip beagnách don méid atá cheana féin ann, le dhá dhán déag Fiannaigheachta agus sgéal eile (i. “Eachtra an Cearnuidh Caol Riadhbhuidh”) measgaithe tríd síos’. Scríobh Áine de Búrca cuntas mion ar OÉG H25 sa *de Búrca Cat.* Ó OÉG H25 fosta a fuarthas an dáta 1803 a chuirtear le ARÉ 23L22 (106) agus ARÉ 24P16(2) (1069) thuas, ar údarás nóta de hÍde—féach an cuntas sa *de Búrca Cat.* ar OÉG H25, a léiríonn gurbh ann a fuair de hÍde an dáta sin. Níl a oiread sin de chruthú agam gur scríobhadh ARÉ 23L22 (106) agus ARÉ 24P16(2) (1069) i dtrátha 1803 ach gur grafadh OÉG H25 sa bhliain chéanna, agus gur cóipeáladh iad uilig as ARÉ 24P5 (93). Féach an *R.I.A. Cat.*, 321-2.

<sup>851</sup> Féach nóta 850 thuas.

<sup>852</sup> Fuarthas an litir seo ón Dr. C. Ní Mhaoileoin sa bhliain 1968, ach níl trácht uirthi sa chatalóg, cé nár cuireadh an fascúl deiridh i gcló go dtí an bhliain 1970. Tá roinnt eolais faoin litir sa bhunachar ar shuíomh idirlín an Acadaimh. Scríobhadh an litir ar an 26 Márta 1811.

<sup>853</sup> Ní thugtar ainm an scríobhaí in Ó Buachalla (1962: 22-4), nó i liosta lámhscríbhinní Shomhairle in Ó Buachalla (1968: 275), ní is ábhar le hainm scríobhaí LPBF 29 (b) a bheith in easnamh ar chuid mhaith cuntas eile, m.sh. Smith (2012: 119-20), ach aithníodh a chuid peannaireachta cheana féin sa chatalóg chlóschríofa a chuir Maidlín Ní Dhíomsaigh le chéile, an saothar ar ar bunaíodh an plé a dhéantar ar an lámhscríbhinn san *Hayes Cat.*, 647 col. b, agus is cionsiocair le cuid (b) a bheith luaite le Somhairle Briosáin ann.

<sup>854</sup> An leagan atá i gcló in Ó Buachalla (1962-4).

Charles Vallancey, amhráin, ‘Oratio Funebris Eugenii Ó Neill ... 1744’, dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh, Séamus Mac Cuarta, noda agus nótaí gramadaí, giotaí foclóra, ‘Oidhe Chloinne Tuireann’, dhá sheanmóir. Béal Feirste, Aontroim 1805, 1809.<sup>855</sup>

**LPBF 38.** ‘An Cath Cathardha’ (cóip de ARÉ 24P28 (130)).<sup>856</sup>

**LPBF 39.** *Focloir no Sanasan Nua Mhíchíl Uí Chléirigh* (cóip de C Add. 3083 (8)).<sup>857</sup> Béal Feirste, Aontroim 1804.

**LPBF 40.** Formhór di.<sup>858</sup> ‘Bruidhean Chaorthainn’, ‘Oidhe Chloinne Lir’, ‘Oidhe Chloinne Tuireann’, búrdún agus dánfhocail, dán le Diarmaid Ruadh Ó Muireadhaigh, laoithe fiannaíochta. 1803.<sup>859</sup>

Rinneadh plé ar bheatha an scríobhaí mheasta Gaeilge seo cheana in Bigger (1921), agus Ó Buachalla (1962: vii; 1968: 48-50, 53-9) srl., agus go mór in Blaney (1996), ach is doiligh smaoineamh ar leabhar ar bith a thráchtann ar chiorcal Gaeilge Bhéal Feirste nach bhfuil a ainm luaite ann. Tá cuntas eile air in *Beath. 1782-1881*, 22 col. b – 23 col. a, agus nóta gearr air fosta in Beckett (1987: 142-3), ach is é an plé a dhéantar air in Blaney (1996: 47-53) an cuntas is iomláine a scríobhadh air, is dóigh. Tugadh cuntas cheana ar na lámhscríbhinní a ghráf sé agus a bhailigh sé fosta in O’Shea (1895) agus in Ó Buachalla (1968: 275).

Rugadh Samuel Maziere Bryson<sup>860</sup> ar an 9 Márta 1776, an t-aonú mac is fiche lena athair (Blaney 1996: 47, 223 *n.48*), James Bryson, ministéir Preispitéireach ó Ard

---

<sup>855</sup> Tá Bealtaine 1809 mar dháta in LPBF 37 (*a*), lch [260].

<sup>856</sup> Féach nótaí 1736, 1746 thíos.

<sup>857</sup> Féach an cuntas ar Phádraig Mac Oghannáin i gCaib. 2.91 thíos, an tagairt a thugtar ann as de Brún & Herbert (1986: xvii).

<sup>858</sup> Lgh 1-132, [133-65 folamh], 166-91, [192-207 i láimh Phádraig Uí Loingsigh], 208-39, [240-4 i láimh W. Mac Fanlan, 1805]; féach nóta 3129 thíos, agus an bhlogh de ‘Parliament na mBan’ ar a dtugtar cuid (*b*) sa chatalóg.

<sup>859</sup> Lch 231. Ní bhaineann an dáta 1805 le cuid Shomhairle Briosaín ná le cuid Phádraig Uí Loingsigh, ach le lgh 240-4.

Mhic Nasca a bhí tar éis bogadh cúpla bliain roimhe sin go Sr. Rósmhuire, Béal Feirste, ní a chiallaíonn gur dóigh gur sa chathair féin a tháinig Somhairle ar an saol. Bogadh a athair go Sr. Dhún na nGall in 1792,<sup>861</sup> agus is eol dúinn gur mhinistéir i nDún Dealgan deartháir Shomhairle, Aindrias Briosáin (*q.v.*), cainteoir líofa Gaeilge a bhí ar son a scríofa. Bhí Somhairle tuairim is naoi mbliana déag d'aois nuair a fuair a dheartháir bás i gCo. Lú. Duine liobrálach a bhí ann, cosúil lena athair féin, agus chuir sé a ainm le hachainí ar son Fhuascailt na gCaitliceach in 1812.<sup>862</sup>

Chuaigh sé i mbun gnó i mBéal Feirste sna blianta luatha den 19ú hAois<sup>863</sup> agus tugtar máinlia agus poitigéir mar ghairm dó in eolairí na cathrach sin (Bigger 1902: 141). Bhí an gnó seo lonnaithe in 96 High Street i lár na cathrach. Thuigfí ó chuid de na hiarrachtaí atá againn óna láimh a scríobhadh sa bhliain 1803 nárbh i bhfad roimhe sin a thosaigh sé a fhoghlaim scríobh na teanga, thart faoi shé bliana tar éis bhás a dheartháir;<sup>864</sup> is idir an dáta sin agus an bhliain 1811 a rinne Somhairle formhór na hoibre dá ndearna sé i dtaobh na teanga, cé go raibh spéis éigin aige inti go dtí na míonna deiridh dá shaol. Phós sé Alice Standfield sa bhliain 1805, nó Alicia, mar a thugtaí uirthi, agus rugadh ceathrar clainne dóibh (Blaney 1996: 48), cúram a chinntigh, is dóigh, nach mbeadh mórán ama aige le haird a thabhairt ar

---

<sup>860</sup> Maidir leis an leagan seo dá ainm, féach clár na dTiomnaí Sainchumais a choinneáil i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí.

<sup>861</sup> Thug Ó Buachalla (1968: 54 *n.2*) faoi deara go raibh Edward Bunting, an bailitheoir amhrán sin, ina orgánaí san eaglais sin idir na blianta 1806 agus 1817.

<sup>862</sup> Cuireadh an t-achainí seo i gcló sa *Belfast Monthly Magazine*, 31 Márta 1812, lch 237: 'We, their Protestant brethren, do consider such application to be just. We do most heartily join the Catholics in this their loyal and reasonable request; and convinced of its policy as well as its justice, we do most zealously implore your Honourable house to comply with the prayer of said petition, and to relieve the persons professing the Roman Catholic religion from all civil and political disabilities'. Maidir lena athair, an tOir. James Bryson, agus rún Halla an Línéadaigh ar son Fhuascailt na gCaitliceach, féach Ó Buachalla (1968: 54).

<sup>863</sup> Féach, mar shampla, an tagairt a rinne Aodh Mhac Domhnaill [2] dá chumas mar phoitigéir i ndán dá chuid, ní atá faoi athchló in Beckett (1987: 72), 'Níl aicíd ná támh dá leanann síol Ádhamh', / Mar is fiosach ón lá far pheacaigh sé, / Nach ndéanfadh sé slán le aon bhuidéal amháin / Den mbiotáilte a d'fháise sé as luibheanna'.

<sup>864</sup> Féach LPBF 40, áit a dtugtar 1803 mar dháta ar lch 231. Cuir sin taobh leis na breiseanna déanacha atá ar lch 239 sa lámhscríbhinn chéanna.

chúrsaí liteartha ó na 1810í amach, ach d'fhág sé go leor lámhscríbhinní againn. An bhliain ina dhiaidh sin, 1806, cháiligh sé mar phoitigéir, tar éis dó céim dochtúra a bhaint amach i nDún Éideann, an áit a ndearna a dheartháir a chúrsa staidéir.<sup>865</sup> Ní hé amháin gur ghráf sé lámhscríbhinní, ach dhealródh sé gur chaith sé roinnt airgid ar sheanleabhair a bhailiú, agus is féidir gur bhuntáiste dó na ceangail a bhí aige i gCo. an Dúin sa dóigh sin.

Dealraíonn sé gur cóip de ARÉ 24P5 (93) í ARÉ 24P16(2) (1069), *R.I.A. Cat.*, 2977-8, lámhscríbhinn le Pádraig Mac Oghannáin, scríobhaí Ultach de chuid na 17ú hAoise, a raibh baint éigin aige le Co. Mhuineacháin, Co. Ard Mhacha, agus b'fhéidir le Co. an Dúin fosta, mar ar rugadh athair Shomhairle.<sup>866</sup> Tras-scríobh díograiseach atá inti, de réir dealraimh, agus cuireann sé spásanna bána sa lámhscríbhinn áit a raibh an téacs lochtach nó cailte san eiseamláir. Baineadh ábhar ARÉ 23L22 (106) as an lámhscríbhinn chéanna. Scríobh sé lámhscríbhinn eile as ARÉ 24P5 (93), OÉG H25, i mBéal Feirste le linn na bliana 1803 ach tá sí ar iarraidh le fada. Cnuasach de laoithe fiannaíochta a bhí inti. Léiríonn na cóipeanna seo go raibh lámh mhaith fhorbartha aige faoi dheireadh na bliana 1803, agus tharlódh sé gurbh ar lámhscríbhinn eile le Pádraig Mac Oghannáin a bhí sé ag tarraingt agus LPBF 39 á scríobh aige. Níl ann ach tuairim, ach is spéisiúil gur fhág Pádraig cóip lámhscríofa den saothar úd, *Focloir no Sanasan Nua* Mhíchíl Uí Chléirigh, againn: C Add. 3083 (8), lámhscríbhinn ina bhfuil colafon atá ar aon fhocal, taobh amuigh den ainm agus den dáta, le colafon Shomhairle ina chóip féin, LPBF 39. Bhí lámhscríbhinn Phádraig i seilbh Dan Lynch, mac le Pádraig Ó Loingsigh, an scoláire ó Loch an Oileáin, Co. an Dúin, sa bhliain 1789, agus tá

---

<sup>865</sup> Féach an t-eolas a thugtar in Blaney (1996: 47), eolas a bhfuil tátal air in *Beath.* 1782-1881, 23 col. a.

<sup>866</sup> Maidir le háit dhúchais scríobhaí na lámhscríbhinne seo, féach an cuntas air thíos.



áitithe cheana ag cúpla scríbhneoir (más fíor nár chruthaigh siad sin) go raibh baint láidir idir muintir Loingsigh agus Briosáin.<sup>867</sup> Tugann an colafon i gcóip Shomhairle le fios dúinn gur scoir Somhairle den scríobh sa chathair an 15 Bealtaine 1804.<sup>868</sup> Is iad LPBF 36 agus LPBF 37 na lámhscríbhinní is mó spéis dár scríobh sé, agus tiomsaíodh formhór an dá cheann acu idir na blianta 1805 agus 1809. Tá tréithe canúna le fáil i gcuid de na téacsanna a scríobh sé, tréith choitianta i scríbhinní na haimsire sin, agus gheofar in Hyde (1897: 259) liosta gearr díobh siúd atá sa chóip den óráid a tugadh os cionn uaigh Eoghain Uí Néill, rud a scríobh sé isteach sa lámhscríbhinn LPBF 37. Ó thaobh a chuid saothar féin, is é an rud is spéisiúla a d'fhág sé againn an leagan aisteach de 'Oidhe Chloinne hUisneach', 'Imthiacht Dheirdre la Naoise agus Oidhe Chloinne Uisneach',<sup>869</sup> ar ar thug Mac Giolla Léith (1993: 39), 'a uniquely elaborated version [with] a considerable amount of ... embellishment'. D'fhéadfadh sé gurbh é Somhairle a bhí freagrach as seo; tá an chuma ar an gcóip a d'fhág sé againn gur chnuasach dréachtaí í seachas cóip ghlan.

Ba bhall den *Belfast Academy* a bunaíodh in 1810 é, ball den *Belfast Harp Society*, den *Natural History Society* agus de *Literary Society* Bhéal Feirste (Ó Buachalla 1968: 55). Diomaite de gur scríobh sé an litir Ghaeilge ar a dtugtar ARÉ 3D8(49)

<sup>867</sup> Glactar leis, fosta, gur bhailigh sé cuid mhaith lámhscríbhinní i gCo. an Dúin; féach, mar shampla, Beckett (1987: 142).

<sup>868</sup> Is éard atá sa dá lámhscríbhinn, C Add. 3083 (8) agus LPBF 39, cóip den *Sanasan* (1643) agus an dán, *Foras focul luaighthear libh*; is dearmad faoi 83 rann a bheith in LPBF 39 in Ó Buachalla (1962: 43). Priontáladh an dá cholafon cheana féin—C Add. 3083 (8), f. iv, 'Ag so macleabhar arna tharroiing, 7 arna sgríobhadh go nua as an leabhor cló reimhraite iarna sgríob[h]adh do láimh Phádraic Mhic Oghannain an 24 do mhí January an bhliadhain d'Aois an Tighearna 168<sup>5</sup>/<sub>6</sub>', atá i gcló thuas i gCaib. 1.2.1, colafon 8; LPBF 39, 'Ag so mac leabhar arna sgríobhadh go nua as an leabhar clódh réimh raite iar na sgríobhadh do láimh Samuel Brison .i. na Mac Brisi. Béal Átha na Fearsad A.D. 1804. An mhí Bealtaine 15<sup>o</sup>' (Ó Buachalla 1962: 43; 1968: 275). Iad geall le bheith ar aon fhocal lena chéile, agus iad leagtha amach mar leathanaigh theidil.

<sup>869</sup> Chuir Ó Buachalla (1962-4) an scéal seo in eagar, agus is éard a deir Mac Giolla Léith faoi áit eile, '[it] is tempting to view this text ... as a recasting of the tale by an accompanied man of letters unimpeded by the constraints of the Irish MS. tradition of his day freely adding material either of his own creation or from oral versions of the tale current at the time, or both' (Mac Giolla Léith 1989: 415; 1993: 39). An féidir smaoineamh ar dhuine ar bith ba mhó a d'fheilfeadh don chur síos sin ná Somhairle Briosáin? Mar a dúradh thuas, is dóigh gur dréachtaí atá sa chóip den scéal a d'fhág sé againn in LPBF 37.

anois ar an 26 Márta 1811, ní féidir a thaispeáint gur scríobh Somhairle lámhscríbhinn Ghaeilge ar bith tar éis na bliana 1809. Is fiú a lua gur comhleabhair cuid mhaith de na lámhscríbhinní de chuid Shomhairle atá i Leabharlann Phoiblí Bhéal Feirste, ina bhfuil ábhar óna láimh féin taobh le seanleabhair a scríobhadh san 18ú hAois; agus ó tharla go bhfuil formhór dár scríobh sé féin gan dáta, thiocthadh dó gur scríobhadh cuid acu tar éis na bliana 1809. Is ina measc a fhaigheann muid an léiriú is fearr ar na lámhscríbhinní a raibh teacht aige orthu.

Cóip de ghraiméar Gaeilge a ghráf Síomón Ó Macaoín ó Cho. na Mí idir na blianta 1781 agus 1788 atá in LPBF 35; cóip mhaith de ‘Foras Feasa air Éirinn’ atá in LPBF 41, agus thuigfí ó chuid de na nótaí a scríobhadh uirthi gur chaith sí seal i gCúige Chonnacht. Lámhscríbhinn Chonnachtach a bhí ina chnuasach tráth is ea í ARÉ 24P23 (43), ní a bhí ina sheilbh idir na blianta 1805 agus 1806. Cóip luath de ‘Foras Feasa air Éirinn’ atá inti—agus bhí sí ar coinneáil i gCo. Ros Comáin sa bhliain 1742.<sup>870</sup> Is doiligh lámha na ngiotaí éagsúla atá istigh le LPBF 36 agus LPBF 37 a aithint, agus ní bhaineann a bhformhór leis an ngréasán scríobhaithe a bhíodh i dteagmháil le scoláirí Bhéal Feirste, chomh fada agus is féidir a dhéanamh amach tar éis dhá chéad bliain.

Táthar ar an eolas le fada go bhfuil i measc pháipéir Shomhairle, iad siúd a fágadh sa Leabharlann Phoiblí, an chóip sin, LPBF 43, de *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda*, an t-aistriúchán Ultach ar *De Imitatione Christi* a scríobhadh i gCo. an Dúin, agus a raibh ceangal iontach láidir aige leis an dúiche thart ar Loch an Oileáin, tharla go luaitear athair Phádraig Uí Loingsigh, Terence Linch, mar shíntiúsóir leis,

---

<sup>870</sup> Beirt scríobhaithe anaithnide a ghráf formhór na lámhscríbhinne seo sna blianta 1641 agus 1646. Bhí sí i seilbh Éamonn Uí Cheallaigh (Emund O Kelly) sa bhliain 1742, bailitheoir lámhscríbhinní ó Cho. Ros Comáin a raibh ARÉ 24P23 (43), ARÉ D.ii.1 (1225), ARÉ 23P16 (1230), agus LPBF 42 ina sheilbh aige tráth.

agus mórán eile a bhaineann leis an dúiche sin.<sup>871</sup> Is mó is ábhar spéise, mar sin, go bhfuil roinnt seanmóirí Caitliceacha in LPBF 36 (e) agus (f) ar ghraf an duine céanna iad agus na cinn chluíteacha a chuir Ó Maonaigh (1965) in eagar; tá cuid acu sa script choiteann, agus cuid eile acu scríofa ar an gcorrlitir, ní a ligeann dúinn a rá gur scríobhadh iad agus an *Tóruidheacht* sa chomhthéacs céanna, agus gur dóigh gur cheap aon duine amháin iad, agus é ag babhtáil idir an dá stíl pheannaireachta.<sup>872</sup> Thuairimigh Ó Mórdha (1963) gurbh é an tAth. James Pulleine a cheap an t-aistriúchán sin, mar gheall ar chosúlachtaí stíle agus teanga idir é agus teagasc Críostaí Pulleine. Tá blogh beag lámhscríbhinne le Pádraig Ó Loingsigh istigh le lámhscríbhinn eile i gnuasach Shomhairle,<sup>873</sup> agus seanmóir le hAindrias Briosáin istigh le LPBF 39 a scríobhadh sa bhliain 1786.

Giota spéisiúil is ea í LPBF 36 (c), toisc í a bheith scríofa i láimh atá ag iarraidh, thuigfeá, aithris a dhéanamh ar stíl pheannaireachta Phádraig Uí Loingsigh. Is doiligh a rá cé a ghráf, ach má ba é Somhairle, nó duine eile dá lucht aitheanta, a scríobh, treisíonn sin píosa an ceangal a bhí ag muintir Briosáin leis na scríobhaithe sin ó Loch an Oileáin. Ghráf sé litir ar an 26 Márta 1811—an píosa Gaeilge deiridh atá againn óna láimh, go bhfios dom.<sup>874</sup> Bhí sé ina shíntiúsóir le leabhar Neilson, *An Introduction to the Irish Language* (1808) agus le leagan Uí Choinniolláin den *Gospel According to St. John in Irish* (1830) (Ó Buachalla 1968: 55). Luaitear é i

---

<sup>871</sup> Féach an plé a rinneadh ar an Ath. James Pulleine (*ob.c.*1776), an té ar a leagtar an téacs i gcúpla alt, i gCaib. 1.4.2.1, nóta 618, ach go háirithe. Féach an cuntas ar Phádraig Ó Loingsigh i gCaib. 2.185 thíos, áit a bhfuil eolas ar a mhuintir.

<sup>872</sup> Tá an méid seo intuigthe cheana ó alt Uí Bhuachalla (1983), gan dearmad a dhéanamh d'obair Uí Mhórdha (1963), ach tá staidéar géar ar an gceist seo fós ag teastáil. Áit mhaith tosaithe atá againn in LPBF 36.

<sup>873</sup> LPBF 39 (b), lgh 192-206. Ní déarfainn gur cruthú é seo go raibh aithne ag Somhairle ar Phádraig. Is dóigh ón ábhar atá ann gur cuid den obair a rinne Pádraig do Edward Bunting atá i gceist, agus is féidir go bhfuair Somhairle an lámhscríbhinn ó Bunting nó ó dhuine eile den ghréasán liteartha ina raibh siad páirteach, gan aon cheangal díreach a bheith ann idir Somhairle agus Pádraig. Na seanmóirí Caitliceacha agus eile atá in LPBF 36, srl., is féidir gur bhailigh athair nó deartháir Shomhairle iad, le go mbeadh eiseamláirí stíle acu agus seanmóirí Preispitéireacha Gaeilge á scríobh acu.

<sup>874</sup> ARÉ 3D8(49). Tá aistriúchán Béarla leis an litir. Féach nóta 852 thuas. Níor cuireadh in eagar í.

ndán a chum Aodh Mhac Domhnaill [2] am éigin tar éis na bliana 1842, is dócha.<sup>875</sup>

Ba bhall d’fhoireann Ospidéal Bhéal Feirste é sa bhliain 1836 (Bigger 1921: 61).

D’éag a bhean, Alicia, ar an 17 Aibreán 1849 i gCluain, Baile Mhic Gearóid, agus í 74 bliana d’aois.<sup>876</sup> Bhí cnuasach beag lámhscríbhinní ar taispeánta aige sa Belfast Academy sa bhliain 1852,<sup>877</sup> agus shroich ocht lámhscríbhinn dá chuid an Belfast Natural History and Philosophical Society, dhá cheann acu thart faoi uair a bháis.<sup>878</sup>

Cailleadh é i gCluain, Baile Mhic Gearóid, an 28 Feabhra 1853 de réir fhógra a bháis;<sup>879</sup> agus adhlacadh é in Ard Mhic Nasca, Co. an Dúin. Fuair Roibeard Mac Ádhaimh greim ar lámhscríbhinní eile dá chuid.<sup>880</sup> Bhí cóip dá thiomna i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí tráth.

---

<sup>875</sup> Ba thart faoin mbliain sin a thosaigh Aodh Mac Domhnaill ar théacsanna a athscríobh do Roibeard Mac Ádhaimh. Gheofar cóip den dán in Beckett (1987: 72-3), agus tugann an píosa le fios gur leigheas Somhairle Briosaín é ar ghalar boilg éigin,

Anois ó táim slán, is go gcodlaím go sámh,

Is an aicíd gur fhág mo ghoilese,

Cuirfead do tháinse feasta os ard

I ngach áit ó Dhroichead Áth’ go Gaillimh thart.

<sup>876</sup> *Belfast Newsletter*, 20 Aibreán 1849.

<sup>877</sup> Bhí trí lámhscríbhinn ar taispeánta aige. Maidir leis an taispeántas seo, féach Ó Buachalla (1968: 223-6) agus de Brún & Herbert (1986: xv col. a).

<sup>878</sup> Gheofar liosta de na lámhscríbhinní dá chuid a fuair an Belfast Natural History and Philosophical Society .i. LPBF 35-41, 43, in O’Shea (1895); féach Ó Buachalla (1962: vii). Téann sé le céill gur féidir gurb ionann cuid acu agus na trí lámhscríbhinn a bhí ar taispeánta ag Somhairle ag an taispeántas úd sa bhliain 1852. Deir Ó Buachalla (1962: vii) gur bronnadh na hocht lámhscríbhinn ar an gcumann tar éis bhás Shomhairle Briosaín, gur cuireadh clúdaigh nua orthu an uair sin agus an nóta, ‘Presented by Dr. Bryson’. Ní dóigh go bhfuair an Belfast Natural History and Philosophical Society na hocht lámhscríbhinn dá chuid atá acu in aon cháil, óir tá tagairt in alt a foilsíodh ar an *Belfast Newsletter*, an 4 Lúnasa 1854, do thuairisc ar fháltais an Belfast Natural History and Philosophical Society do na blianta 1853-4, áit a ndeirtear go bhfuarthas ón ‘Dr. Samuel Bryson—two volumes of Irish manuscripts’. Dhealródh sé, mar sin, nár bronnadh iad uilig mar aon cnuasach amháin go gairid roimh a bhás nó díreach ina dhiaidh sin—is féidir go bhfuil taifead éigin ann a shocródh an cheist seo.

<sup>879</sup> *Belfast Newsletter*, 4 Márta 1853; tagraítear don fhoinsé seo in Ó Buachalla (1968: 53, 225).

<sup>880</sup> ARÉ 24P16(2) (1069) agus, is dóigh, LPBF 29 (b).

## 2.7. Michael Carolan, fl.1807-34

ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 3. Dán ar Napoleon Bonaparte (autograf).<sup>881</sup>

1809.

Chuir ‘Michael Carolan’ a ainm le OÉG H9 i gCnoc na hEorna, Baile Shláine, Co. na Mí, ar an 13 Bealtaine 1807.<sup>882</sup> Shínigh ‘Edward Carolan, Dundalk’ an lámhscríbhinn fosta. Ba mhionfhile é Michael, agus tá dhá théacs dá dhéantús againn go fóill; tá ceann acu, *Bhí an Eaglais anois ’ráidh an chulaith chumhaidh a dhéanamh* (1807)—ina dtráchtar ar John Butler, easpag Chorcaí a d’iompaigh ina Phrotastúnach—ar fáil i lámhscríbhinn le hÉadbhard Ó Cearbhalláin (*q.v.*), a scríobhadh i nDún Dealgan, ceaptar, i dtreo dheireadh na bliana 1807 agus an bhliain dár gcionn;<sup>883</sup> agus tá autograf ó láimh Michael Carolan de *’Nois a Chlanna Mhíleadh ’bhfuil dúil agaibh re faoiseamh?’* (1809) ar leathanach scaoilte istigh le páipéir Bhriain Uí Thomaltaigh.<sup>884</sup> Deir Laoide (1914: 122), a chuir an téacs in eagar ón ngiota lámhscríbhinne sin, ‘The spelling is that of one who, to say the least, had not been trained in the scribal school’.

Léiríonn na taifid a chuir de Brún (2009: 169) le chéile go raibh máistir darbh ainm Michael Car(r)olan ag múineadh scoileanna i gCo. na Mí idir 1824 agus 1834.

Taispeánann *Tuarascáil 1824*<sup>885</sup> go raibh sé ag múineadh idir 61 agus 90 dalta i

---

<sup>881</sup> Tá mé sásta gur chum sé an dán seo; féach an *R.I.A. Cat.*, 2910. ‘Perhaps an autotype’ atá sa lámhscríbhinn seo, dar le Laoide (1914: 122), agus ní fheicim goidé an t-ábhar nach féidir an scríbhneoireacht a leagan ar Michael fosta.

<sup>882</sup> OÉG H9, lch 75, ‘Michael Carolan, Barlyhill, dated this 13<sup>th</sup> day May 1807’, agus leagan den rann *The man is blessed* leis an síniú. Shínigh ‘Edward Carolan, Dundalk’ lch 135. Féach nóta 3314 i dtaobh OÉG H9.

<sup>883</sup> ARÉ 24P7 (95), lgh 263-5. Maidir leis an nóta a scríobh Éadbhard Ó Cearbhalláin ar lch 265, ‘Translated by Michael Carolan, December 19<sup>th</sup> 1807. Dundalk...’, is dóigh liom nár breacadh an log nuair a scríobhadh an chuid eile den cholafon seo ach féach an *R.I.A. Cat.*, 285, agus nóta 2224 thíos.

<sup>884</sup> Cuireadh í i gcló in Laoide (1914: 11-13).

<sup>885</sup> Lgh 734-5. Tugann na liostaí Caitliceacha agus Protastúnacha figiúirí difriúla ach níl iontu ach meastúcháin. Is éard a chuimsíonn an 61 dhalta i gceann de na tuairiscí, aon dalta Protastúnach amháin agus (thart ar) 60 Caitliceach.

seomra ina theach féin ag \*Doirealach [Diralagh],<sup>886</sup> Maigh nEalta, An Mhí. Tá sé ar rollaí pá an *Irish Society* i mí na Samhna 1826 agus i mí Feabhra 1827, ach is léir gur éirigh sé as go gairid ina dhiaidh sin—roimh mhí na Bealtaine 1827, is dócha,<sup>887</sup> óir bhí an Teagasc Críostaí Caitliceach á mhúineadh aige ar son an tsagairt áitiúil i séipéal an Chaisleáin Nua nuair a cuireadh *Tuarascáil* 1834 le chéile.<sup>888</sup>

## 2.8. James Carroll, fl.1813

**SPB 2.** Cuid di.<sup>889</sup> ‘Laoi an Tuirc’, búrdúin agus dánfhocail, nótaí ar an Uimhir Óir, an Epact, aois na gealaí agus an Litir Dhomhnaigh, amhrán Béarla. 1813(?). *Marcanna uisce*: 1808, 1810.

Tagann an beagán eolais atá againn i dtaobh an scríobhaí seo ó dhréacht de litir gan síniú a scríobh sé chuig J. Foy éigin, an té a dhíol gearrán leis ag margadh Choill an Chollaigh an 17 Feabhra 1813.<sup>890</sup> Má ba eisean an té a cheannaigh an mart, agus ní duine eile ar scríobh sé litir ar a shon, is féidir glacadh leis go gcónaíodh sé i gCo. an Chabháin nó sa dúiche fá gcuaird.

## 2.9. Edmond Carrollan, fl.1765

**ARÉ 23053 (a) (1362).** Formhór di. ‘Tuireamh an Athar Philip Ó Raghallaigh’, ‘Tuireamh Néill Óig Mhic Mhurchaidh’, ‘Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill’ le Séamus Mac Cuarta. 1765.

---

<sup>886</sup> Is doiligh teacht ar fhaisnéis chruinn i dtaobh an leagain seo, ámh.

<sup>887</sup> Níl a ainm ar na rollaí pá don ráithe sin.

<sup>888</sup> Lch 132a.

<sup>889</sup> Is féidir gur scríobh sé níos mó den lámhscríbhinn seo ná mar a mheas de Brún (1972a: 431-2), ach níor scríobh sé an t-iomlán. Is dóigh le de Brún go bhfuil ceithre stíl pheannaireachta, (1) – (4), le haithint ar an lámhscríbhinn, agus níl ach (2) sínithe ag James Carroll.

<sup>890</sup> Gheofar cóip den litir in de Brún (1972a: 434).

Ní féidir eolas dá laghad a sholáthar i dtaobh an duine seo, ach an méid atá intuigthe ón lámhscríbhinn féin, is é sin, gur bhain sé leis an gceantar agus go raibh sé ina bheatha sa bhliain 1765.

## 2.10. George Codan, fl.1651-82

SPU.<sup>891</sup> Blogh di. Dán (autograf) agus litir Bhéarla. Ard Mhacha 1680. Chuig an *Marcas Urmhumhan*.

Rinne Mhág Craith (1980: 224-8) cur síos iontach mion ar an bProinsiasach seo, ar ar bunaíodh formhór mór an ábhair bheathaisnéise a thugtar faoi thíos. Is mar gheall ar dhán Gaeilge a scríobh sé i bpríosún lena shaoradh ar an 19 Deireadh Fómhair 1680 a áirítear mar scríobhaí é anseo. Cuimhneofar air go príomha mar gheall ar an mbaint a bhí aige, mar a mheabhraíonn Mhág Craith (1980: 224) dúinn, ‘le dhá chúis mhóra i stair na hÉireann .i. an *Remonstrance* agus triail Oilivéar Beannaithe Pluincéad. Ní ábhar onóra dó an pháirt a bhí aige iontu’.

Dhealródh sé gurb ionann George an scríobhaí agus an Georgius Kodanus a oirníodh ina shagart i bPrág an 30 Samhain 1651 (Millett 1998: 26), agus chaith sé isteach is amach le trí bliana déag ina dhiaidh sin ar an Mór-Roinn, is cosúil. Más fíor sin, is ábhar spéise gur fhreastail sé ar an gcoláiste céanna agus duine eile lena mbeadh ceangal láidir aige le linn na trialach, Paul Gormley (*q.v.*). Níor éirigh go rómhaith le George ón am ar fhill sé ar Éirinn, toisc gur thaobhaigh sé roimhe sin le Peter Walsh sa *Loyal Remonstrance* (1661), rud a tharraing ‘censures and fulminations’ na

---

<sup>891</sup> Cailleadh an chuid seo den lámhscríbhinn ó shin ach cuirtear san áireamh anseo í toisc go bhfuil cóip dhílis di in Mhág Craith (1967: 237-40). Féach Mhág Craith (1980: 228-9), áit a dtugann sé tuairisc fhada uirthi. Ní fios dom cá huair a scrúdaigh Cuthbert Mhág Craith é féin an lámhscríbhinn, is é an méid a deir sé i dtaobh a chuid taighde féin gur thosaigh sé a bhailiú dánta sa bhliain 1937 lena gcur in eagar. An lámhscríbhinn ina raibh an duilleog seo, tá sí fós againn, ach tá cúpla duilleog inti ar iarraidh; féach an nóta a scríobh Carpenter (2000: 66).

Deoise air, mar a mhíníonn sé ina litir. Bhí sé, an uair a chuir sé a ainm leis an *Remonstrance*, ina léitheoir le diagacht agus ina mhisinéir aspalda. Mar a luann Mhág Craith (1980: 225), bhí sé lonnaithe i Lobháin an 30 Lúnasa 1662 nuair a chuir sé *Approbatio Theologorum* le saothar de chuid Aodha Mhic an Bhaird, na *Sancti Rumoldi* a cuireadh i gcló faoi shúil an Ath. Tomás Ó Sírin (Thomas O'Sheerin) an bhliain sin. Tá muid i dtuilleamaí ar fhaisnéis na litreach féin faoin uair a d'fhill sé ar Éirinn, tuairim is 1664.<sup>892</sup> Is dóigh, cibé rud é, nach bhféadfadh sin a bheith níos mó ná bliain faoin gceart nó thairis. Ba i nDeoise Ard Mhacha—a áit bhreithe, is dóigh (Mhág Craith 1980: 224)—a shocraigh sé, áit ar toghadh San Oilibhéar Pluincéad ina Ard-Easpag sa bhliain 1669, agus bheadh ról, ról beag, caithfear a rá, ag George i scéal a bháis.

Is iad an chéad dá thagairt chruinne a fheiceann muid dá bheith ceangailte le Deoise Ard Mhacha an dá litir a chuir San Oilibhéar chuig an *Propaganda* ina thaobh sa bhliain 1672. An dara ceann acu siúd, litir ghearáin faoi a scríobhadh ar an 20 Deireadh Fómhair 1672, tugann sé le fios go raibh claonadh ag George dul chun dlí nuair a bhí sé in airc—dealraíonn sé ó fhaisnéis na litreach go raibh George tar éis dianiarracht a dhéanamh an Biocáire Ginearálta a chúiseamh toisc gur chuir sé cosc air briseadh a thógáil ag altóirí na séipéal, gur ruaig an tArd-Easpag é as an Deoise, ach gur tháinig sé (nó gur ligeadh é) ar ais ina dhiaidh sin.<sup>893</sup> Is doiligh a rá goidé an seasamh atá ag leagan George den scéal gur bheartaigh sé ar dhul ar sáile mar gheall ar an dóigh a raibh lucht na Deoise ag caitheamh leis, mar a deir sé ina litir. Ar an 19 Deireadh Fómhair 1680 a scríobhadh í, agus é i bpríosún in Ard Mhacha. Caithfear cuimhneamh air, le bheith cothromach do George, gur ceann den bheagán foinsí atá againn air í an litir seo nach bhfuil claonta ina aghaidh amach is amach. Is féidir cóip

<sup>892</sup> '... about 16 yeares agoe' de réir na litreach, a scríobhadh sa bhliain 1680; féach thíos.

<sup>893</sup> Tá an litir seo in eagar ag Jennings (1956: 5-6), agus tá giota aisti in Mhág Craith (1980: 225 n.1).



iomlán den litir a thabhairt, toisc go míníonn sí an comhthéacs inar scríobhadh an dán Gaeilge sin is ábhar lena bheith áirithe sa liosta scríobhaithe seo,

Bee it knowen unto yo<sup>e</sup> grace that I am a poore, old & feeble Franciscan friar, whoe longe before & after His Majesties proclamations, have endeavored with all my force to gett out of this kingedom, to die quietly in some Cathilik country. To which intent, I gatherd some charges heere & there & went often tymes to sea-coasts, but mist shipinge, fell sick aft<sup>e</sup>rwards & laid soe among friends, by reason of a rupture I suffer this 30, at least, yeares.

Cominge to Irland about 16 yeares agoe, I had an indifferent commission from our Genrall, and livd soe amonge the Christians, nott affixed to friary or convents, wh<sup>e</sup>rfore I may not bee called a regular priest. I am & was of Pe<sup>t</sup>er Walshes Remonstrance. For w<sup>ch</sup> I suffered much to this day from the contrary sect. I am of the Parkers of England by my mothers sid; whose grandfather Captaine Parker fought against O Neill in y<sup>e</sup> battle of Black Wather. By my mothers syd, too, I am of the Cassills, Garnons, Doudalls & many others of y<sup>e</sup> Englis pale. For that, by originall descent, I am bound to defend His Majesties crowne & priviledges to death. I lett pass my descent of the Macadan<sup>s</sup> of Scotland by my fathers sid.

I am this whole yeare persecuted w<sup>th</sup> fulminations of censures, by one Doctor Henry O Hugh, Doctor Plunketts Vicar Generall & suborned person in all his bad designes, for not keepinge friary against His Majesties proclamations. & that by the procuration of one Shean O Neill, Owen Roe O Neill's pretended bastard, whoe, under the cloake of S. Francis habit, doth all mischief & intends moe and more—a most dangerous man, that keepes Tories of his owne name about him in woods & mountaines, to assist him.

Cominge of late from the county of Louth to the county of Ardmagh, to dispose of my bookes & dispach myself out of this kingdome, upon occasion of contention I had w<sup>th</sup> these rebellious spirits, I was betraid by them, as a Tory, to one William Hammilton, of Kind <Ar>d; who apprehended mee laying sicke, tooke a<w>ay all my bookes, charges & horse; & committed my selfe, findinge that, in other countries, I have been a regular priest, though I lived as a secular priest in Irland; albeit hee know I was betraid, as a Thory, by the Kinges enemys, of envy & hatred & sett purpu<r>se, to repressse & hinder my evidence in the Kinges behalfe, against them & such like.

Wherefore, my earnest request is that yo<sup>e</sup> Grace may bee pleased to writ w<sup>th</sup> the first post for my releasment & full restitution of all taken from me; to appeare before yo<sup>e</sup> own selfes Grace, to speake mout to mout. Which granted, I will continually pray for yo<sup>e</sup> Graces prosperity, whose servant I remaine,

George C<o>dan,  
Ardmagh,  
The 19th of Oct., 1680.<sup>894</sup>

Is eol dúinn gur cuireadh i bpríosún é am éigin roimh an 13 Iúil 1679, an lá ar scríobh an tAth. Antoine Ó Dálaigh nóta i dtaobh gearáin a bhí ‘frater Georgius Coddan, minorita. lector et praedicator’ tar éis a chur chun na Róimhe faoin bPluincéadach. An méid sin ráite, is doiligh a bheith cinnte nár scaoileadh saor é ina dhiaidh sin agus gur cuireadh i bpríosún arís é, nó ní déarfadh sé i litir a scríobhadh an 19 Deireadh Fómhair 1680 gur tharla a ghabháil ‘of late’ má gabhadh é corradh agus bliain roimhe sin. Cibé rud é, dealraíonn sé gur áitigh sé in achainí na bliana 1679, díreach mar a rinne sé sa litir chuig an Marcas Urmhumhan, gurbh ar ordú an Phluincéadaigh féin, dar leis, a cuireadh ann é. Is spéisiúil a liacht sin tagairtí a dhéanann sé dá dhílse is atá sé don rí sa litir chuig an Marcas Urmhumhan, go raibh sé sásta a rá (má b’fhíor sin no nárbh ea) gur bheag leis muintir a athar; féach fosta na línte deiridh den dán a chuir sé chuig an Marcas Urmhumhan,

Bráithrín bocht, maoth, arsaidh, easlán—  
sín dhamh do *d*heaslámh, déan maith;  
seirbhíseach dom rígh ’s ní tréatúir  
misi a láimh—créud úd acht saith?  
Treatuire ’muigh ’s misi ’ngeimhiol[1]—  
mór an teimhiol—fóiridh mé!  
a ua na dtrénfhear ó Urmhúnn,  
scríobh umúinn—fóiridh mé!<sup>895</sup>

Is beag duine nach bhfuil éirim na n-eachtraí a thit amach ina dhiaidh sin ar eolas aige, is é sin, gur cuireadh San Oilibhéar Pluincéad, Ard-Easpag Ard Mhacha, chun báis toisc gur cúisíodh é i dtréas mar measadh é a bheith páirteach ina leithéid de

<sup>894</sup> Cuireadh an litir agus an dán i gcló faoi dhó, in *Mhág Craith* (1967: 237-40) agus in Anon. (1850-3: 71-5). Is as eagrán *Mhig Craith* (1980) a baineadh an chóip thuas.

<sup>895</sup> As *Mhág Craith* (1967: 239-40).

*Popish Plot* (1680) agus a sháraigh fórsaí an stáit i Sasana go gairid roimhe sin, nó ba é sin an seasamh oifigiúil ag an am. Ba é an cor sa scéal, murab é go bhfuil sé ar eolas go forleathan, gur thug sé fhear déag de chuid na hEaglaise Caitlicí na mionna ina aghaidh, mar gheall ar na hathruithe a bhí sé ag iarraidh a thabhairt i réim ina Dheoise féin. Ón uair a rinneadh easpag d’Oilibhéar Pluincéad, b’iomaí duine a raibh sé tar éis dul in iomarbhá agus in adharca leis, nó a chaill pribhléidí dá bharr, sa dóigh nár dhoiligh do na húdaráis teacht ar eaglaisigh, cuid acu curtha i bpríosún in Éirinn acu, a raibh an nimh san fheoil acu dó.

Ina measc siúd a bhí tar éis a bheith i gcogaíocht leis le roinnt blianta anuas, bhí an scoláire maith Gaeilge sin a d’fhág cnuasach mór ginealach againn, Biocáire Ginearálta na Cille Móire, Tomás Mac Síomóin (1614-80);<sup>896</sup> diomaite de nár thug Tomás Mac Síomóin air féin dul chuig na húdaráis Shasanacha, bheadh sé intuigthe ón dóigh ar láimhseáil an Pluincéadach é gur dhuine é nárbh inmholta d’eaglaiseach teacht crosta air. Is eol dúinn cheana go raibh cuid mhaith de na deoisí a bhí faoi chúram an Phluincéadaigh lán le cléirigh neamhoilte, cuid acu ag freastal go speisialta ar theaghlaigh uaisle, an drong úd brabúsaithe ab ábhar sciollta d’údar ‘Comhairle Mhic Clámha ó Achadh na Muileann’, agus mórán eile dá lucht comhaimsire. B’fhéidir nach ábhar iontais gur thapaigh cuid mhaith acu seo, a chaill pribhléidí oifigiúla agus neamhoifigiúla leis an bPluincéadach, an deis é a chur as an mbealach nuair a fuair siad faill chuige, nó gur thairg roinnt bráithreacha agus sagart eile a bhí in airc ag na húdaráis dul in éadan an Phluincéadaigh lena saoradh féin— thig linn Paul Gormley ó Cho. Dhoire, duine a raibh ceangal láidir ag George leis, a áireamh leo. Duine eile acu siúd ab ea é George Codan go pointe áirithe, agus é suite de gurbh ar orduithe an Phluincéadaigh a cuireadh i bpríosún sa chéad áit é.

---

<sup>896</sup> Don duine seo, féach nóta 3483 thíos.

Fuair seisean agus Paul Gormley (*q.v.*) íocaíocht den chéad uair ón Rúnseirbhís nuair a thaistil an bheirt acu go Sasana am éigin thart faoi mhí Eanáir 1681 (Akerman 1851: 25; Ó Fiaich 1958: 77).<sup>897</sup> Tá taifead air seo i leabhar cuntais<sup>898</sup> na Rúnseirbhíse i gcuntas dar dáta an 9 Márta 1680[1], áit a ndeirtear gur díoladh le George Mac Codan agus Paul Gormley turastal £6.13.4, ‘for ... coming from Ireland and going back’. Sa chéad chuntas ráithe eile, an ceann don tréimhse dar chríoch an 27 Meitheamh 1681, tá sé ar taifead gur tugadh dóibh £8.18.8 ‘on their like allowances’, suas go dtí an 21 Aibreán 1681, agus 12/- sa tseachtain dóibh beirt mar chúiteamh as sin amach. I gceann de na cuntais seo, déantar tagairt dóibh mar ‘two other Irish witnesses’.

Dealraíonn sé, dar le Mhág Craith (1980: 227) gur chuir Dáibhidh Mac Gearailt, fear uasail Protastúnach, brú ar George Codan, agus cuid de na sagairt eile a bhí chun faisnéis a thabhairt in éadan an Phluincéadaigh. Ná níor thug ceachtar den bheirt acu briathar in aghaidh an Phluincéadaigh le linn na trialach, ar tháinig deireadh léi an 15 Meitheamh 1681. Ba é rud a tharla gur loc George Codan faoi dheireadh, mar a scríobh Oilibhéar Pluincéad i litir faoin dáta 2 Iúil 1681 (Mhág Craith 1980: 227) go gairid sular cuireadh chun báis é. Le linn don triail a bheith ar siúl tugadh tuarastal dó agus do Paul Gormley gach ráithe, cosúil leis na finnétithe eile, ach is aisteach an

---

<sup>897</sup> Mar ‘George Mac Codan’ a thugtar a ainm i rolla pá an 9 Márta 1680[1], agus fuair seisean agus Paul Gormley £6.13.4 eatarthu. Tugadh an íocaíocht chéanna do Maurice FitzGerrald agus Mortogh Downey ar an dáta céanna. Ó tharla nár cuireadh an iontráil seo ar rolla pá an 10 Eanáir 1680[1], is féidir glacadh leis go ndeachaigh George go Sasana am éigin idir mí Eanáir agus Márta 1681. Deir Ó Fiaich (1958: 77), ‘And on 9 January [1681] he [= Ormond] wrote again ... [“]This westerly wind has carried over Murphy with a number of witnesses.[”] The party arrived in London in the middle of January ... An entry in the Privy Council Register on 21 January 1681 gives the names of the twenty-three who made up the party. ... When these twelve are added to the four ... and Paul Gormley is thrown in for luck (he had arrived with George McCoddan slightly earlier but is omitted in the Privy Council Register list) ...’

<sup>898</sup> Féach Akerman (1851: 25, 30, 31, 33, 36, 37, 38, 40, 41, 45, 46, 50, 51, 53, 54, 58, 59), áit a bhfaighfear na tagairtí seo.

ní é nach bhfuarthas réidh lena gcuid seirbhísí, díreach mar a rinneadh le finnéithe eile ba mhó fiúntas dóibh ná iad.<sup>899</sup>

Is i gcuntas an 9 Lúnasa 1682 a dhéantar an tagairt deiridh do Paul Gormley a bheith ina bheatha, an lá ar tugadh an turastal céanna, £4.16.0 san iomlán, dó agus do George agus a bhí á thabhairt dóibh le roinnt míonna anuas. Luaitear an bheirt acu arís ar an 9 Nollaig 1682, nuair a díoladh £2.10.0 le Anthony Coghlan le costais adhlactha Paul a réiteach; tugadh ar an lá céanna ‘To George Coddan on 12<sup>s</sup> p. week to 29th September, being the day of his discharge [£] 2.10.0’ (Akerman 1851: 59).

## 2.11. Thomas Corgan

**ARÉ 23O53 (a) (1362).** Cuid di. Rann. [? 1821].<sup>900</sup>

Scríobh an duine seo cuid den lámhscríbhinn ARÉ 23O53 (a) (1362) arbh é an Edmond Carrollan a luadh i gCaib. 2.9 thuas a príomhscríobhaí.

## 2.12. ——— Crab, *ob.c.*1762<sup>901</sup>

**ARÉ 23E6 (289).**\*<sup>902</sup>

**ARÉ 24Q19 (1155).**\*

**ARÉ 24Q20 (1156).**\*

**ARÉ 24Q21 (1157).**\*

Formhór díobh.<sup>903</sup> Foclóir Béarla-Gaeilge-

Laidine. [c.1747].<sup>904</sup>

<sup>899</sup> John Mac Moyer ach go háirithe, ar tugadh cead taistil dó i mí Lúnasa 1681, agus ar scaoileadh leis an 19 Deireadh Fómhair 1681 (Ó Fiaich 1958: 80).

<sup>900</sup> Féach an *R.I.A. Cat.*, 3501.

<sup>901</sup> Is áireamh garbh é an dáta seo a bunaíodh ar nóta a scríobh Charles Vallancey sa bhliain 1812, ina dtugann sé le fios go raibh an scríobhaí marbh le caoga bliain (Ní Shéaghdha 1985: 24 n.85; 1999: 26 n.85), agus ní féidir brath air mar dháta cruinn, mar sin.

<sup>902</sup> Ní leis na trí lámhscríbhinn eile an giota seo ó cheart, tharla go dtagann a bhfuil inti (*Apportion – Beaten*) salach ar an gcéad imleabhar thuas, a thosaíonn le *Above*.

<sup>903</sup> Cailleadh tús an chéad imleabhair (ARÉ 24Q19 (1155)) roimh an mbliain 1812, nuair a chuir Charles Vallancey leis an easnamh.

<sup>904</sup> Féach thíos mar a bhfaighfear plé ar an dáta 1747.

Thiomsaigh an máistir scoile seo, a chónaíodh sa Rinn i mBaile Átha Cliath, foclóir trítheangach a chuimsíonn thart ar 1800 leathanach, agus iad scríofa ina gceithre cholún. Dá liacht tagairtí fáin atá déanta ag scoláirí agus foclóirithe éagsúla do shaothar an mháistir scoile seo, is beag ábhar beathaisnéise atá ar fáil faoi—a chéadainm, fiú; is beag atá le cur lena bhfuil in O'Reilly (1820: ccxxxi), agus Ó Casaide (1928), ach na ceartúcháin atá déanta ag Ó Casaide (1928c; 1933d) ar a chuid oibre féin. Tugadh nótaí gearra eile ar ——— Crab in de Bhaldraithe (1963: 262 *n.1*) agus Ní Shéaghdha (1985: 24 *n.85*; 1999: 26 *n.85*). B'fhéidir nach bhfuil sí cruinn amach is amach a rá gur mar gheall ar an nóta seo in O'Reilly (1820: ccxxxi) faoin mbliain 1750 atá a ainm ar eolas againn ar chor ar bith,

In this year were published proposals for printing an English, Irish and Latin Dictionary, by a Mr. CRAB, a school-master, of Ringsend, near Dublin. This book was never printed, but found its way into the library of the late General Vallancey, and at the sale of that gentleman's books, after his decease, was purchased for Doctor Adam Clarke, at the price of forty guineas.

D'fhág Charles Vallancey dhá nóta ina dhiaidh san fhoclóir, nach n-aimnítear an scríobhaí in aon cheann acu. An chéad nóta, tá sí greamaithe de cheann de na fordhuilleoga sa chéad imleabhar,<sup>905</sup> an síniú 'C. V.' leis (agus an chuma ar an scríbhneoireacht gur grafadh í tar éis an chéad nóta eile),

Cais Mor Breithir is the name of this Dictionary. ... Cost 50 Guineas. — It was composed by a schoolmaster of Rings End & was bought of his widow, after his death. ...

Tá an dara nóta i bhfad níos grinne, agus an dáta 16 Aibreán 1812, Baile Átha Cliath, leis, ní a thaispeánann gur scríobh Charles Vallancey é i bhfeascar a aoise,

---

<sup>905</sup> ARÉ 24Q19 (1155), f. 4v. Deir sé gurbh eisean a scríobh na duilleoga cailte go nua sa nóta seo, agus tá cúpla nóta eile ann nach mbaineann le saol ——— Crab.

This excellent English-Irish Dictionary was composed by a Schoolmaster residing at Irishtown near Dublin, whose death happened about 50 years since. He had begun an Irish-English Dictionary, but was snatched away before he had more than one Quire which had been consumed as waste paper. His widow, being left in tolerable circumstances, set the high value of two hundred pounds on the labours of her deceased husband; a sum not too great, even as money was then valued. At length being much reduced in circumstances, she reduced her demanded [*sic*] to fifty guineas, which was immediately paid her, by that great lover and encourager of Irish literature, the late W<sup>m</sup> Burton Conyngham, and presented to the writer of this preface, about the year 1792.

Dhá nóta agus ionad cónaithe ar leith sonraithe i ngach ceann acu faoi seach, Baile na nGael (Irishtown) agus an Rinn (Ringsend), agus is nós imeachta, ar ábhar éigin, dul leis an Rinn mar ionad cónaithe dó, ós mar sin a cuireadh é romhainn in O'Reilly (1820: ccxxxi), is dóigh.<sup>906</sup> Tá, ar an gcéad leathanach eile, nóta ó Shéamus Ó hArdagáin, a mhíníonn an dóigh ar cheannaigh lucht an Acadaimh na trí lámhscríbhinn—ARÉ 24Q19 (1155), ARÉ 24Q20 (1156), agus ARÉ 24Q21 (1157)—sa bhliain 1829. Chonaic muid cheana gur scríobh Edward O'Reilly (1820: ccxxxi) gurbh é Adam Clarke a cheannaigh an foclóir ag ceant leabhar Charles Vallancey (1813). Téann Ó Casaide (1928c: 88; 1933d: 132) in aghaidh thuairim O'Reilly gurbh é Adam Clarke a cheannaigh;<sup>907</sup> tá sé intuigthe, dar leis, ón gcatalóg cheant gur cheannaigh Clarke (trí ghníomhaire) mír 1279 arb é Foclóir Vallancey é, agus gurbh é mír 1281 an foclóir seo againn, a bhfuil an bhliain 1747 leis mar dháta, agus ar cheannaigh ——— Rafferty é ar 40 giní. Is doiligh teacht ar aon mhíniú i dtaobh an dáta 1747, óir is dóigh nach raibh an dáta sin ar eolas ag Charles

---

<sup>906</sup> Tugtar 'Irishtown' mar áit chónaithe do ——— Crab i nóta 2 Charles Vallancey, ARÉ 24Q19 (1155), f. 6, agus leantar sin san *R.I.A. Cat.*, 3134. Cuirtear 'Ringsend' síos i nóta 1 Charles Vallancey, ARÉ 24Q19 (1155), f. 4v, agus leantar sin i gcatalóg cheant Charles Vallancey (1813), mar a deirtear in Ó Casaide (1933d: 132), agus [? mar gheall air sin] in O'Reilly (1820: ccxxxi), as ar bhain mórán scríbhneoirí eile a gcuid sonraí.

<sup>907</sup> Tá neart ceisteanna le freagairt go fóill faoin gceant seo agus an dóigh ar scaipeadh na lámhscríbhinní mar thoradh air sin, ach fágtar an scéal mar atá, tharla go bhfuil scoláire Gaeilge ag déanamh taighde air seo faoi láthair.

Vallancey é féin, an dara sealbhóir a bhí ar an bhfoclóir i ndiaidh do bhaintreach ——— Crab scaoileadh leis. Is maith a théann 1747 leis an eolas atá againn, áfach, más fíor do Edward O'Reilly gur scaipeadh réamheolaire sa bhliain 1750,<sup>908</sup> óir ní dóigh liom go bhfuil i gceist sna lámhscríbhinní atá againn ach dréacht den saothar, tharla go bhfuil míleanúnachas mór ar an dóigh a scríobhtar cuid den ábhar—bíonn an ortagrafaíocht agus script thraidisiúnta in úsáid scaití i dtreo thús an chéad imleabhair, ach ní fada ina dhiaidh sin a thosaíonn ——— Crab a cheadú chóras mionleasaithe ortagrafaíochta ar an móróir, agus sin sa script rómhánach.<sup>909</sup> Luann Ó Casaide (1933*d*: 132) fosta an cuntas aisteach a thugtar sa chatalóg cheant ar shaothar eile de chuid ——— Crab—mír 1282, 'First Part, being all that was written' d'fhoclóir Gaeilge-Béarla de chuid ——— Crab, ní a aithníonn Ó Casaide leis an gcuid sin den fhoclóir Gaeilge-Béarla ar baineadh úsáid aisti mar dhramhpháipéar, an chuid dár thagair Charles Vallancey.<sup>910</sup> Ba aisteach an ní é, má thuig baintreach ——— Crab luach saolta an fhoclóra, go ligfeadh sí d'éinne cuid de a úsáid mar dhramhpháipéar. Nó is féidir, cheal eolais eile a bheith againn, nár sracadh an lámhscríbhinn go hiomlán óna chéile lena húsáid mar pháipéar scríbhneoireachta, agus gur sa riocht sin a díoladh í ag an gceant. Tá sí ar seachrán faoi láthair, cibé rud é.

Tagraíonn de Bhaldráithe (1963: 262 *n.1*) don nóta díspeagtha sin ar an bhfoclóir a d'fhág Eoghan Ó Comhraí againn ina chatalóg lámhscríofa ar lámhscríbhinní an

---

<sup>908</sup> Theip orm cóip a aimsiú.

<sup>909</sup> Scríobhann sé *v* in ionad *bh* agus *mh* na hortagrafaíochta traidisiúnta. Is í an easpa leanúnachais seo an fáth a ndeirir nach bhfuil againn ach dréacht den saothar, b'fhéidir, agus tugann na giotáí beaga a scríobh sé sa script ghaelach agus an tuiscint a léiríonn sé ar ortagrafaíocht na Gaeilge—mura gcuirtear na leasuithe beaga a luadh thuas san áireamh—le fios gur chinn sé ar an gcóras leasaithe sin a úsáid. Gheofar nótaí gearra ar ortagrafaíocht na Gaeilge i dtosach an chéad imleabhair agus an dara himleabhair, ARÉ 24Q19 (1155) agus ARÉ 24Q20 (1156), agus i gcúl an tríú himleabhair fosta, ARÉ 24Q21 (1157).

<sup>910</sup> Theip go glan ar Ó Casaide (1933*d*: 132) agus orm féin an lámhscríbhinn seo a aimsiú. Ní dócha gurb ann di corradh agus dhá chéad bliain ó d'imigh sí ó thuairisc (1813).



Acadaimh, agus an tuairim aige gur ag díriú ar mholtaí Vallancey i dtaobh an fhoclóra a bhí Ó Comhraí nuair a cháin sé go trom é, díreach le caitheamh anuas ar chuid teoiricí Charles Vallancey,

... this ponderous work is nothing more than a collection made up from Plunket, Walshe, and other lexicographers, who immediately preceded the author, and by him arranged in a different order, with perhaps occasional additions of phrases by himself, all put into plain but generally vulgar Irish, and often incorrect both in orthography and natural construction. If, however, the compilation of a really useful English-Irish Dictionary shall ever be undertaken, these volumes will be found exceedingly useful on account of the immense collection of ready made words and phrases which they contain, and the Irish rendering of a man who was evidently a good practical, tho' not deep-read Irish scholar.<sup>911</sup>

Má ba dhóigh leis sin, níor leasc le hEoghan Ó Comhraí tarraingt ar an bhfoclóir céanna cúpla bliain roimhe sin, in 1840, le liostaí ainmneacha plandaí a réiteach.<sup>912</sup>

Scríobh de Bhaldraithe féin (1963: 232) faoin bhfoclóir agus faoina iomaí eile foclóir dá leithéid: ‘Cuid aimhris roinnt den saothar sin, go háirithe roinnt de shaothar na ndaoine a thug faoi Ghaeilge a chur ar theanga eile, agus a chlaon, corr-uair, chun cathú na cumadóireachta. An t-aimhreas sin is ciontach, is dóigh, leis an bhfaillí lig na foclóirithe a tháinig ina dhiaidh i saothar an mháistir scoile Crab’. Más ea, is iomaí uair a baineadh úsáid as. Thuigfí ó thuairisc Charles Vallancey go bhfuair ——— Crab bás tuairim na bliana 1762, ach ní dóigh go bhfuil i gceist ansin ach tomhas thar a bheith garbh.

### 2.13. Eoin Cruig, *fl.*1820-1

[Jn<sup>o</sup> Craig]

**ARÉ 23B8 (434).** Cuid dí. ‘Agallamh an Choirp agus an Anma’. 1820.

<sup>911</sup> O’Curry (1861: 467-8); athchló in de Bhaldraithe (1963: 262 *n.*1).

<sup>912</sup> Féach ARÉ 3A12 (827), lch 1, ‘... an Alphabetical list of the names of Irish Herbs, trees, shrubs and plants, taken from Threkeld, Keogh, Casey, Crabbe, O’Reilly and from an old Medical tract on vellum’. Tá an teideal seo i gcló san *R.I.A. Cat.*, 2560.

Ó tharla gur scríobh Pádraig Ó Domhnaigh (*q.v.*) ón nGléib, Co. Liatroma, mórchuid na lámhscríbhinne thuas sa bhliain 1821, bheifí ag déanamh amach gur féidir gurbh ón gcontae sin d'Eoin fosta. Tá leid againn go raibh scoláire Gaeilge darbh ainm sin ag cur faoi gar don Eanach Dubh sa chontae thart faoin am sin: tugadh treoir do rúnaí an *Irish Society* ag cruinniú a cuireadh ar siúl an 18 Lúnasa 1821 scríobh chuig an mbiocáire áitiúil, an tOir. Charles Kean, le cur in iúl dó nach mbeifí in ann díol leis an té a bhí molta mar scoláire aige—John Craig—mura dtiocfadh leis thuarastal a thógáil sa dúiche féin. Ní dhéantar trácht air sna tuairiscí ná sna rollaí pá ina dhiaidh sin.

#### 2.14. Christopher Cullen, *fl.c.*1800

LN G39. Blogh di. 'Críocha Déanacha an Duine'. Newcastle [*c.*1800]. Do phátrún anaithnid.<sup>913</sup>

Scríobhadh an giota seo san *English character*. Cé nach éasca an log a thugann sé sa lámhscríbhinn, 'Newcastle', a aithint, thuigfí ó roinnt foirmeacha teanga atá inti gur bhain Christopher Cullen leis an gceantar seo.<sup>914</sup> Ní féidir liom teacht ar thagairt ar bith do dhuine darbh ainm sin i leabhair deachúnaithe an cheantair ach 'Christopher Cullen' éigin a raibh tailte aige in Áth Gabha i bparóiste an Chaisleáin Nua i gCo. Átha Cliath.<sup>915</sup>

---

<sup>913</sup> Féach bun lch 48, 'Newcastle, Your humble servant, Christ<sup>f</sup> Cullen'.

<sup>914</sup> Gheofar roinnt nótaí i dtaobh theanga na lámhscríbhinne seo in Aguisín 7.

<sup>915</sup> Ní dócha go mbeifí in ann an duine seo a cheangal leis an scríobhaí seo againne, cé go bhfuil fianaise againn go raibh scríobhaí dúchais amháin, ar a laghad, ina bheatha i ndeisceart Cho. Átha Cliath sa 19ú hAois. Aindrias Mac Gobhann a bhí air, agus fuair sé bás i nGleann a' Smóil *c.*1834. Maidir le dáta scríofa na lámhscríbhinne, tá an marc uisce 'McDonnell 24 Cook Street Dublin' inléite sa pháipéar go fóill, *N.L.I. Cat.*, ii, 52, agus is dócha gur féidir an marc seo a cheangal le John McDonnell, fear déanta páipéir a luaitear an seoladh sin leis idir na blianta 1796 agus 1810 (Pollard 2000: 381).



**Ollscoil  
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

# **SCRÍOBHAI THE GAEILGE AN TUAISCIRT, 1650-1900: BEATHAISNÉISÍ**

**Ceithre Imleabhar:**

**Imleabhar a Dó**

**Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad**

**don chéim dochtúireachta ag**

**Fintan Brian Keegan**

**Roinn na Nua-Ghaeilge**

**Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta**

**Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire**

**Lúnasa 2019**

**Ceann na Roinne: An tOll. Fionntán de Brún**

**Stiúrthóirí: An tOll. Ruairí Ó hUiginn agus an Dr Brian Ó Catháin**

## 2.15. Pat Darditz, fl.1685-90

**LEM Z4.2.5.** Blogh di. Marbhna ar Risteard Pluincéad [1].<sup>916</sup>

Scríobh lámh neamhoilte cóip de thuireamh dátheangach Risteaird Pluincéad [1] (*q.v.*), tiomsaitheoir an mhórfhoclóra, ar leathanach a fágadh bán san fhoclóir féin.<sup>917</sup> Leagtar an téacs, ar iarracht ar aiste an dána dhíriú é,<sup>918</sup> ar Pat Darditz, agus is dócha gur autograf atá ann (Mhág Craith 1980: 240). Ó tharla go raibh an Br. Risteard Pluincéad [1] lonnaithe i mBaile Átha Troim an uair a chuir sé a fhoclóir ar pháir sa bhliain 1662, agus go gcuirfeadh sloinne Pat Darditz féin—murab aon chruthúnas é as a stuaim féin—go raibh ceangal seanbhunaithe aige leis an dúiche, tá an chosúlacht air gur bhain Pat Darditz le Co. na Mí, agus gur mhair sé sa dara leath den 17ú hAois, óir luíonn sé le dea-chéill go raibh aithne phearsanta aige ar Risteard, má bhac sé le tuireamh a cheapadh air. Dar le Mhág Craith (1980: 240), ba bhall d’Ord San Proinsias ó dhúiche Bhaile Átha Troim é Pat, agus tá tagairt do Patricius Dardiz, Proinsiasach éigin, a bheith i láthair ag ceann de na caibidlí a cuireadh ar siúl sa bhliain 1629.<sup>919</sup> Is é is dóichí gurb ionann an scríobhaí agus an cléireach, Patrick Dardite, a bhí ag feidhmiú mar shagart paróiste i mBaile Átha Buí am éigin idir na blianta 1682 agus 1685, an uair a bhí Easpag Protastúnach na Mí, Anthony Dopping, ag lorg eolais faoi shagairt Chaitliceacha sa Mhí dá leabhar cuairte, ní a raibh sé ag gabháil dá scríobh idir na blianta sin.<sup>920</sup>

---

<sup>916</sup> Cuireadh an téacs i gcló in Mhág Craith (1967: 256).

<sup>917</sup> F. [iii]v.

<sup>918</sup> Féach an nóta a scríobh Mhág Craith (1980: 241) ar fhriotal an dáin, ‘Tá an dán féin sách doiléir ... De dhealramh, bhí an t-údar ag iarraidh scríobh i nGaeilge an dána dhíriú, gan tuiscint cheart aige uirthi. Maidir leis an aiste, ógláchas ar rannaigheacht atá i r. 1; agus ar dheibhidhe i rr. 2-4’.

<sup>919</sup> Cuireadh tuairisc na caibidle sin dar dáta an 15 Lúnasa 1629 i gcló in Giblin (1956: 6), agus ní dócha ach oiread go bhféadfaí an té a bhí i láthair a cheangal le sagart paróiste Bhaile Átha Buí, Patrick Dardite, tharla nach gceanglaítear é le deoise ar bith sa bhille, ‘Confessores saecularium instituuntur Fr. Patricius Dardiz, Fr. Symon a Sancto Kyarano, ...’, srl.

<sup>920</sup> Tá ábhar an leabhair i gcló in Ellison (1971; 1972; 1973; 1974; 1975), agus níl ach tagairt amháin ann dó faoi pharóiste Bhaile Átha Buí (Ellison 1972: 9), in ainneoin gur ghnách le paróistí na hEaglaise Caitlicí an uair sin a bheith ina n-aontas de sheanpharóistí na Meánaoiseanna. Chloígh an

Tá tagairt amháin eile don sagart paróiste seo a bheith ina bheatha i lár na bliana 1690. Cuimhneofar air gur phribhléid de chuid choróin Shasana cléirigh a cheapadh d'fholúntais san Eaglais Bhunaithe le fada an lá an uair seo, sin agus an riocht ina raibh an choróin chéanna idir 1688 agus 1690, an tréimhse inar tharla 'Cogadh an Dá Rí'. Ní fiú trácht ar an gcogadh anseo, ach an bhaint a bhí ag sagart paróiste Bhaile Átha Buí leis. Dhealródh sé gur smaoinigh Rí Séamus II (VII) ar shagairt Chaitliceacha a cheapadh do gach biocáireacht agus reachtaireacht, beagnach, i nDeoise na Mí ar le cléirigh de chuid na hEaglaise Protastúnaí iad go dtí sin. Sheol an Marcas d'Abbeyville, ball de rialtas Rí Séamus II (VII), ordú dar dáta an 4 Meitheamh 1690 chuig Pádraig Tirial, Easpag Caitliceach na Mí, ina dtugtar ainmneacha na sagart, agus tá ina lár 'Patrick Dard' bhí le cur 'to the vicarage of Athboy'.<sup>921</sup> Ní fios goidé an crann a thit air ina dhiaidh sin.

## 2.16. Patrick Deal[ ], fl.1725

**ARÉ 24I23 (931).** Formhór di. ['Fís Mherlíno', 'Comhairle an Anma agus an Choirp'], 'Comhradh an Duine agus an Bháis', mairgní, ceann ar an Ath. Ros [Mag Mathghamhna], dánta le Donnchadh Mór Ó Dálaigh agus eile, 'Comhairle Mhic Clámha', laoihe fiannaíochta, 'Mac na Míchomhairle', giotaí as 'Foras Feasa air Éirinn', giota de Theagasc Críostaí. 1725, [? 1740].

Tá an chóip is sine dá bhfuil againn den laoi *Lá dhúinne ar Shliabh Fuaid* agus den téacs 'Mac na Míchomhairle' (Watson 1979: 189) sa lámhscríbhinn luachmhar seo,

---

Eaglais Phrotastúnach (Eaglais na hÉireann) go measartha daingean le leagan amach na seanpharóistí go dtí gur tháinig laghdú ar a lucht freastail le cúpla céad bliain anuas. Is gnách, mar sin, go luaitear an 'Popish Priest' céanna, mar a deirtear sa leabhar, le cúpla paróiste Protastúnach.

<sup>921</sup> Tá an litir seo i gcló in Cogan (1862: 405-8), áit a bhfuair Healy (1908: 328-31) í, agus tugtar an sliocht i dtaobh an Ath. Patrick Dard athuair in Cogan (1862: 165). Ní bhactar le comhthéacs na litreach a thabhairt sa chuntas seo, ach thig leis an léitheoir an dá thaobh den scéal a léamh go gasta sa dá leabhar thuas, Cogan (1862) agus Healy (1908).

cé go bhfuil sí geall le bheith doléite in áiteacha. Bhain sí le Co. Mhuineacháin agus le Co. Lú tráth.<sup>922</sup>

## 2.17. Pádraig de Búrca, fl.1811-20

**LN G199(1).** Blogh di. ‘Dán Pheadair Seoighe’, amhráin, dánfhocail. Béal Feirste, Aontroim 1817-18.

Mar phátrún Shéamus Mhic Giolla Ruaidh is mó atá iomrá ar Phádraig de Búrca; scríobh Séamus ceithre lámhscríbhinn dó ar a laghad idir na blianta 1811 agus 1820.<sup>923</sup> Is dó a scríobhadh cuid mhaith de LN G199(1) c.1817-18:<sup>924</sup> ar na scríobhaithe a raibh lámh sa saothar acu, tá Séamus Mhac Óda, Criostal Ó hUiginn, Séamus Mac Giolla Ruaidh, Pól Ó Tighearnáin, agus Pádraig Ó Loingsigh ó Chuinche (nach ionann é agus an scoláire ó Loch an Oileáin). Tá síniú Phádraig de Búrca é féin le fáil sa lámhscríbhinn i gcúpla áit, agus chuir sé roinnt téacsanna léi fosta. Scríobh Séamus Mac Giolla Ruaidh lámhscríbhinn lán le hábhar cráifeach dó sa bhliain 1820 nach bhfuil fáil uirthi anois.<sup>925</sup> Tá tagairtí d’fhear gnó ó Bhéal Feirste darbh ainm Patrick Burke sna páipéir áitiúla idir na blianta 1805 agus 1808, ach is

---

<sup>922</sup> Féach, ach go háirithe, na sínithe seo a leanas: Thomas Gorman, ff. 152, 173v; Michael Marran, f. 167v; Bryan Callan, f. 174; Peter Carroll, barúntacht Lú, ff. 168, 181v, 190, *R.I.A. Cat.*, 2683. Más fíor go mbaineadh Michael Marran leis an ngrúpa scríobhaithe a bhíodh ag saothrú i ndeisceart Cho. Mhuineacháin—féach Mac Cathmhaoil (2013: 187-8)—tá seans ann go bhfuil nasc éigin idir Thomas Gorman agus an scríobhaí Muiris Ó Gormáin. Tá cuid den pheannaireacht sa lámhscríbhinn cosúil le peannaireacht luath Mhuiris Uí Ghormáin ach ní dóigh liom gur scríobh sé í. Féach fosta an cuntas ar Bhrian Ó Cathaláin.

<sup>923</sup> Ghraf Séamus COC C[6] (119) do Phádraig sa bhliain 1811, ‘lobhar beag’ eile thart faoin am céanna (tagairt ghearr dó in LN G535), gíotaí in LN G199(1), agus lámhscríbhinn chailte a cuireadh ar ceant le cnuasach Reeves sa bhliain 1892, agus ar a raibh an dáta 1820. Scríobhadh COFLA MF14 do Phádraig, ach níl dáta léi, agus is dóigh go raibh lámhscríbhinní eile ann. Féach an plé a dhéantar ar Shéamus Mac Giolla Ruaidh i gCaib. 2.83 thíos, mar a bhfaighfear eolas sa bhreis ar na lámhscríbhinní seo. Ba as Baile an Scotaigh, Co. Mhuineacháin, do Shéamus Mac Giolla Ruaidh, agus níl mórán ar eolas faoina shaol. Féach nóta 1673 faoin lámhscríbhinn chailte a grafadh sa bhliain 1820.

<sup>924</sup> Thuigfí ó bhreacadáil i láimh Phádraig Uí Loingsigh (*ob.*1818), ball d’fhoireann Oifig na dTáifead Poiblí, gur scríobhadh codanna den lámhscríbhinn go luath sa bhliain 1818 ar a dhéanaí. Ba as Cuinche dó—ní hionann é agus an scríobhaí darbh ainm Pádraig Ó Loingsigh ó Cho. an Dúin. Tugtar tuilleadh eolais in de Brún (1972: xii).

<sup>925</sup> Féach nóta 1673 thíos.

deacair eisean a cheangal leis an scríobhaí seo. Dhealródh sé, ón litir a chuir Séamus Mac Giolla Ruaidh chuige an 2 Meitheamh 1811, go raibh bean agus muirín aige.<sup>926</sup>

## 2.18. Tomás de la hÍd, fl.1694

**CT H.4.14 (1355).** Blogh di. Rainn, dánta [ceann acu le Tadhg Dall Ó hUiginn]. 1694.

Tá glacán beag leathanach i lámh an scríobhaí seo ceangailte le CT H.4.14 (1355), ar scríobh Cathal Mhac Searraidh (*q.v.*) an chuid is mó di. Cé nach éasca áit dhúchais an scríbhneora a dhearbhuí ón mbeagán foirmeacha canúna atá le fáil sa ghiota beag lámhscríbhinne seo,<sup>927</sup> is léir go bhfuil an t-aon cholafon amháin atá ann bunaithe ar cheann eile a scríobh Cathal Mhac Searraidh i bpríomhchuid na lámhscríbhinne, rud a thaispeánann dúinn nach giotaí ar leith iad a ceanglaíodh le chéile lá ní b'fhaide anonn.<sup>928</sup> Scríobhaí néata a bhí ann. Ní féidir a thaispeáint go raibh aon bhaint shonrach ar bith aige le muintir Sgingín (a thugadh *Delahoyd* orthu féin sa Bhéarla), teaghlach léannta a bhí lonnaithe i dTír Chonaill i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Bhí roinnt daoine mór le rá dar shloinne sin i nDroichead Átha agus in

---

<sup>926</sup> LN G535, lgh 2-4. Tá téacs na litreach gairide seo i gcló mar chuid den chuntas ar Shéamus Mac Giolla Ruaidh i gCaib. 2.83 thíos. Maidir lena gcuid ainmneacha, téann clár na mbaistí chomh fada siar leis an mbliain 1798 i bparóiste Phádraig, agus tá cúpla páiste ann dar sloinne Burke, ach ní féidir úsáid a bhaint as na taifid, tharla nár bhac an cléireach le hainmneacha na dtuismitheoirí a chlárú go dtí lár na 1820í ar ábhar éigin.

<sup>927</sup> Tras-scríbhinní de sheantéacsanna atá sa ghiota lámhscríbhinne ar an móróir, agus tá siad saor ó chanúnachas den chuid is mó, cé go bhfuil corrfhoirm spéisiúil le fáil iontu, m.sh. *thig* agus *iriamh*.

<sup>928</sup> Lch 2, 'Gach duinne dha leicchfidh na cearúmhnadh remhraithe tucadh luach a thsaoth<air> don sccriobhneoir .i. *beannacht ar anam* an tí rod sccriobh é .i. Tomás de: la: hÍd. Anno: Domini 1694'; lch 78, 'Gach duine dha léicchfidh in sdair tucadh luach a shaothair d<on> sccriobhneóir .i. *beannachtain ar anam* an tí rod sccriobh. Cathal Mhac Searruidh. Anno Domini 1685'.

oirthear Cho. na Mí sa 17ú hAois agus ina dhiaidh sin, ach ní fios dom gur chuir duine ar bith acu spéis i saothrú na Gaeilge.<sup>929</sup>

## 2.19. Pádraig Dubhdal, fl.1709-13

LN G465. ‘Foras Feasa air Éirinn’. Baile Átha Cliath 1709-13.

Ní thráchtar ar an scríobhaí seo i ndán Thaidhg Uí Neachtain ar scoláirí Gaeilge Bhaile Átha Cliath,<sup>930</sup> ná ní fios cá fhad a bhí cónaí air sa chathair sin.

**Daniell Fullerton:** *féach* Daniell Mac Cloy(e)

## 2.20. Paul Gormley, ob.1682

COBÁC A31(4).<sup>931</sup> Logainmneacha i gCo. Dhoire agus i gCo. Thír Eoghain.

Pléadh cuid mhaith de scéal an bhráthar seo, Paul Gormley, mar chuid den bheathaisnéis ar George Codan (*q.v.*), ach is fiú cúpla rud eile a lua anseo. An saothar atá againn ó lámh Paul—glactar leis gurb é an Paul céanna é—is éard atá ann, cnuasach de logainmneacha a cuireadh le chéile, is dóigh, mar chuid d’fheachtas stairiúil Lobbáin.<sup>932</sup> Má ba cheart do Dillon, Mooney & de Brún (1969: xxiv) gur do John Colgan féin a scríobhadh an giota seo, caithfidh sé go ndearnadh sin roimh 1658, an bhliain a bhfuair John Colgan bás. Ní hé go gcaithfidh sé gur fíor sin, agus ní féidir dáta ná log scríofa a chur leis an saothar beag seo. Luann Ó

---

<sup>929</sup> Bhí duine darbh ainm ‘Thomas Delahoyd’ ina bhardasach i mbuirg Dhroichead Átha sa bhliain 1666; féach fosta an cuntas a thugtar ar mhuintir Delahoyd in Ball Wright (1908: xxix-xxxi, 10). Maidir le muintir Sgingín, féach gur áirigh an Dubhaltach Mac Fir Bhisigh i measc phríomhtheaghlaigh léannta na hÉireann iad; ollúna seanchais a bhí iontu. Féach Carney (1946: 91, 104). Déantar plé ar an sloinne in Woulfe (1923: 639), a dhéanann amach go ndeachaigh an teaghlach léannta i ndíth sa 14ú hAois.

<sup>930</sup> Tá an dán seo i gcló in O’Rahilly (1913*a*), agus in Harrison (1988: 135-7).

<sup>931</sup> D’uimhir na míre anseo, féach Dillon, Mooney & de Brún (1969: xxii *n.*58).

<sup>932</sup> Chuir Mooney (1946) na logainmneacha in eagar, agus phléigh Ó Ceallaigh (1946) go mion iad.



Ceallaigh (1946: 138-9) gur féidir tomhas a dhéanamh faoina áit dhúchais ón méid eolais a thugann sé ar dhúichí eile thar a chéile, agus gur dóigh, dá bharr sin, gur rugadh é i ndeisceart Oireacht Uí Chatháin, nó thar an teorainn i nDomhnach Caoide, Co. Thír Eoghain.<sup>933</sup> Téann sin píosa maith leis an eolas atá againn i dtaobh an bhráthar .i. gurbh ó phríosún Dhoire a scaoileadh saor é leis an leabhar a thabhairt in aghaidh Oilibhéir Pluincéad.

Bhí an tuairim ag Mooney (1946: 68 *n.1*) gurbh é an bráthair céanna é bailitheoir na logainmneacha seo agus an té a luaitear taobh le George Codan ar rollaí pá na Rúnseirbhíse. Tagraíonn sé go speisialta do litir a scríobh Oilibhéar Pluincéad an 21 Deireadh Fómhair 1680, ‘a certain Paul Gormley, who was a prisoner in Derry... for robbery, now gives evidence in order to save himself: he studied in Prague’.<sup>934</sup>

Díreach mar a dúradh cheana sa chuntas ar George Codan, léiríonn an tagairt i gcuntas na Rúnseirbhíse don tréimhse dar chríoch an 9 Lúnasa 1682 gur glanadh cuntas Paul suas go dtí an 30 Meitheamh 1682, ní a thabharfadh le fios go raibh sé fós ina bheatha i mí an Mheithimh 1682, agus i mí Lúnasa na bliana sin fosta, is dóigh. Glanadh a chostais adhlactha ar an 9 Nollaig 1682. Ciallaíonn sé sin go bhfuair sé bás idir an 30 Meitheamh 1682 agus an 9 Nollaig 1682, ach is dóigh, tharla go raibh an-bhaint ag George agus ag Paul lena chéile, mar a thuigfí ó na rollaí pá, nach mbeadh an Rúnseirbhís sásta na costais sin a dhíol má ba ea go bhfuair sé bás tar éis an 29 Meán Fómhair 1682, an lá ar scaoileadh le George. Is dóigh go

---

<sup>933</sup> Deir Ó Ceallaigh (1946: 138-9) ina chuid nótaí, i dtaobh a áite breithe, ‘... it will be seen that Pól Ó Goirmleadhaigh (the name colloquially became Ó Gormlaigh) begins his enumeration on the mountain road at a point half-way between Cúl Raithin and Léim a’ Mhadaidh. He shows a very close intimacy with the topography of that district. ... Often the townlands mentioned are contiguous, and this sense of detail becomes more marked when he undertakes the peregrination of Domhnach Caoide parish. Thereafter, his knowledge is of a scantier character. It would seem, then, as if Pól Ó Gormlaigh had been a native of either one of the southern parishes of Oireacht Uí Chatháin—Beannchor or Comar, or—more likely still—of Domhnach Caoide itself, over the border in Tír Eoghain’.

<sup>934</sup> Chuir Moran (1895: 339) an litir in eagar cheana, áit a bhfuair Mooney (1946: 68 *n.1*) í. Cuimhnítear air go ndearna George Codan a chúrsa staidéir sa Phrág fosta.

bhfuair Paul bás i mí Lúnasa nó i mí Mheán Fómhair 1682, ach ní fios dom cár adhlacadh é.

## 2.21. Seoirse Hadséir

[George Hadsor]

### LN G11. Blogh di. Rann.

Gan an iomarca béime a chur ar úsáid sloinnte mar fhaisnéis ar áit dhúchais scríobhaí, is fiú trácht ar a bhfuil scríofa ag Nessa Ní Shéaghdha i dtaobh mhuintir Hadséir (*Hadsor*) san *N.L.I. Cat.*, i, 68, is é sin, gurb é leagan stairiúil an tsloinne seo *de Haddesore*, an teaghlach Normannach a shocraigh i gCo. Lú am éigin thart faoin 13ú hAois, cé go raibh craobh eile díobh tar éis cur fúthu i gCo. na Mí—i Stigh Colláin ach go háirithe, faoin am a raibh Seoirse ina bheatha. Is é *Hatzer* an leagan is coitianta den sloinne sin sa lá atá inniu ann. Sa Cheapóg a bhí an príomhtheaghlach suite go dtí deireadh na 17ú hAoise, nuair a chaill siad a gcuid tailte i ngabháil Chlann Bhullaí. Léiríonn liosta dar dáta 1691 de theaghlaigh ar cuireadh an ruaig orthu gur éirigh le cúpla craobh de mhuintir Hadséir seilbh a choinneáil ar ghiotaí talún i gCo. Lú go dtí an t-am sin—déantar trácht sa liosta ar Richard Hadsor éigin ón gCeapóg, agus Thomas Hadsor ó Mhuileann Cros (O’Sullivan 1992: 436).

Dhealródh sé, óna chuid peannaireachta agus ó inscríbhinní a d’fhág léitheoirí eile in LN G11 a bhí ar aon sloinne leis, gur mhair Seoirse sa tríú ceathrú den 17ú hAois. I measc na mball eile den teaghlach a shínigh LN G11, lámhscríbhinn a bhain cnuasach Mhuiris Uí Ghormáin amach faoi dheoidh, tá ‘James Hadsor’, ‘Mary Hadsor’, agus ‘Laurence Hadsor’ a thugann na dátaí 1677 agus 1679 in dhá áit. Tá sé le cruthú go fóill, áfach, goidé an chraobh nó an sliocht de chuid mhuintir Hadséir go díreach lena mbaineann an teaghlach áirithe sin, ná goidé mar a tharla LN G11

ina seilbh sa tríú ceathrú den 17ú hAois. Dhealródh sé gur le Seoirse Haidseír í thart faoin am céanna; mheabhródh a chuid peannaireachta lámha eile don léitheoir a bhaineann leis na blianta thart faoi lár na 17ú hAoise. Cé gur tharla LN G11 san iomad sin lámh le himeacht aimsire, d'éirigh le Ní Shéaghdha<sup>935</sup> a léiriú go gcaithfidh sé gur chaith an lámhscríbhinn chlúiteach sin—agus sin mar gheall ar na cóipeanna de ‘Bretha Déin Chécht’ agus de ‘Bretha Crólige’ atá inti—cuid mhaith ama i gCúige Uladh. Tugann nótaí sealbhóirí agus léitheoirí inti le fios gur le trí sheanteaghlach de chuid Chúige Uladh í lá den saol, muintir Chaiside, Mhig Uidhir agus Haidseír.

Is dóigh nár cheart do Ní Shéaghdha a áiteamh, ar an bpeannaireacht, gurbh é Énrí Ó Caiside (*q.v.*) an Caisideach úd a scríobh cuid de na nótaí atá in LN G11,<sup>936</sup> agus ní dócha ach oiread go bhfuil an Brian Mag Uidhir a shínigh í le haithint leis an té a dhíol le cúigear scríobhaithe, go bhfios dúinn, as lámhscríbhinní a ghráfadh idir na blianta 1701 agus 1721,<sup>937</sup> Énrí Ó Caiside ina measc. Is é an t-aon rud atá ar eolas againn faoin gCaisideach ar leis an lámhscríbhinn lá den saol gur scaoil sé léi am éigin roimh an mbliain 1677, nuair ba le muintir Haidseír í, agus sin ar an ábhar gur scríobh Seoirse nóta sealbhóra thar nóta eile den chineál sin a scríobh an Caisideach féin. Chuir Seoirse rann léi—níorbh eisean ach Roibeard Ó Duibhgeannáin a

---

<sup>935</sup> Féach an cuntas cuimsitheach a soláthraíodh san *N.L.I. Cat.*, i, 65, 67-9. Scríobh Binchy dhá alt ar chuid d'ábhar na lámhscríbhinne, ceann ar ‘Bretha Crólige’ (Binchy 1938), agus an ceann eile ar ‘Bretha Déin Chécht’ (Binchy 1966), ach ní chuireann sé roimhe plé le stair dhéanach na lámhscríbhinne i gceachtar acu, agus ní fios dom gur bhac éinne lena plé seachas Nessa Ní Shéaghdha.

<sup>936</sup> LN G11, f. [iii], srl. Scriosadh cuid den iontráil ar f. [iii], agus is é seo an plé a dhéanann Nessa Ní Shéaghdha uirthi, ‘He records his ownership on p. [1] of the bifolium at the end of the manuscript, but it has been deliberately erased and, with the exception of the first line *Ag so leabhar <Enri> O Caiside 7 cibe* and signature *<Enri> O Caiside* at the end, is now almost wholly illegible. What remains legible is like the hand of Enri Ó Caiside, scribe of RIA E.iv.2 (written for Aodh Ó Caiside, 1657, 1675) and ‘one of the persons of local influence appointed to collect taxes in Co. Monaghan’ under a commission established in 1690 by King James II’, *N.L.I. Cat.*, i, 67. Tugann sí Ó Tuathail (1940a: 163) mar fhoinsé eolais. Tá an chéad ainm scriosta go hiomlán, geall leis, agus níl an scríbhneoireacht ag teacht leis na lámhscríbhinní a leagadh ar Énrí Ó Caiside thuas. Féach an nóta atá ag Ó Maitiú (2013: 42 *n.*122) i dtaobh mhuintir Haidseír, agus an t-eolas a sholáthair Ní Shéaghdha fúthu san *N.L.I. Cat.*, i, 68.

<sup>937</sup> Tugtar beagán eile ina thaobh sa phlé ar Shéamus Bacach Mhag Uidhir thíos, i gCaib. 2.107, nóta 1936 go mórmhór.

cheap—rann ina mbagraítear don té nach gcaithfeadh go lách leis an lámhscríbhinn. Is féidir go fóill, murab é Énrí Ó Caiside é féin an té a scríobh a ainm ar LN G11, gurbh eisean nó duine muinteartha leis a thug í do mhuintir Haidseir; bhí Énrí ina lia i gCo. Lú agus ina bhailitheoir cánach i gCo. Mhuineacháin idir 1657 agus 1690,<sup>938</sup> agus tá tagairtí do dhuine darbh ainm sin a bheith i bhfostú na bPluincéadach, Barúin Lú, idir na blianta 1672 agus 1690, más é an duine céanna é.

Tá eolas maith ar fáil faoi stair na lámhscríbhinne ó lár na 18ú hAoise go dtí ár ré féin—thuigfí ó thagairtí i gcatálog a scríobh Muiris Ó Gormáin dá chnuasach lámhscríbhinní go raibh sí i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1772, *N.L.I. Cat.*, i, 68, agus ba eisean a chuir isteach inti cúpla duilleog a bhí in easnamh uirthi, ach is féidir go raibh sí san ardchathair le roinnt ama roimhe sin. Mheabhródh peannaireacht dhá nóta<sup>939</sup> a cuireadh isteach sa lámhscríbhinn gurbh é Risteard Tuibear a ghráf iad, cé go bhfuil an dúch róthréigthe in áiteacha le bheith siúrálte faoi sin. Má ba é Risteard Tuibear a scríobh iad, áfach, is féidir linn a rá go raibh an lámhscríbhinn tar éis Baile Átha Cliath a bhaint amach faoin gcéad cheathrú den 18ú hAois, agus is eol dúinn gur chuir Risteard Tuibear spéis in ábhar leighis.<sup>940</sup>

## 2.22. Thomas Hudson, fl. 1740-3<sup>941</sup>

**LN G730.** Ábhar cráifeach i mBéarla, in Eabhrais, i nGréigis agus i nGaeilge, giotaí as an Scrioptúr i mBéarla agus i nGaeilge, an Phaidir i dteangacha difriúla [? Dún Geanainn, Tír Eoghain] 1743.

<sup>938</sup> Ní bhactar le tagairtí cruinne a thabhairt do na taifid atá ar fáil i dtaobh bheatha Énrí sa chuntas seo; féach an cuntas ar Énrí Ó Caiside i gCaib. 2.119 thíos, áit a bhfaighfear iad.

<sup>939</sup> Lch 18.

<sup>940</sup> Féach ARÉ 24P3(2) (451), agus an dara cuid de COBÁC C2 (féach nóta 3685 thíos).

<sup>941</sup> Féach LN G730, lch 145, maidir leis an dáta 1740. Tugadh cóip den nóta i gcorp an chuntais thuas.

Cineál de leabhar coiteann atá sa lámhscríbhinn seo, ina bhfuil blúirí i mBéarla, i nGaeilge, in Eabhrais agus i nGréigis, mar aon le leaganacha den Phaidir i dteangacha eile. An duine a chuir le chéile í, tharlódh sé gur mhac-chléireach nó chléireach é, tharla go bhfuil abairtí Gaeilge a bhaineann le seirbhísí eaglasta éagsúla scríofa isteach sa chuid deiridh de, agus is é an t-aon leid atá againn ar an dúiche inar scríobhadh an leabhar na nótaí atá ag Thomas ar a chuid foinsí: ‘From the Rev. M<sup>r</sup> Peter Boquet Rector of Dungannon & Hebrew master from Dublin’, agus ‘The 10 commands which I got from the Rev. M<sup>r</sup> Iohn Boquet in Dungannon Oct<sup>r</sup> 18th 1740 ...’<sup>942</sup> Dealraíonn sé nár chléireach Caitliceach é.

### 2.23. Uilliam Jordan, *ob.c.*1863

[William Jordan]

**CML11 (a).** Formhór di.<sup>943</sup> ‘Itche an Aithrígh’.<sup>944</sup> Taobh Chrom, Ard Mhacha 1840. Do *Phádraig Mhac Gatháin*.<sup>945</sup>

Máistir scoile, cléireach pinn, scológ agus scríobhaí Gaeilge a bhí sa duine seo, cé nach bhfuil ach an beagán is lú eolas ar fáil faoi anois. Tá plé déanta air in Murphy (1990: 39-40), Ní Uallacháin (2003: 26, 399-400), agus in de Brún (2009: 299-300).

Tá tras-scríbhinn a rinne Seosamh Laoide de bhlogh lámhscríbhinne a ghráf Uilliam Jordan, dar leis, ar an Taobh Chrom sa bhliain 1825 in LN G428, ach is dóigh nach bhfuil i gceist ach geosta lámhscríbhinne, tagairt mhíchruinn a bunaíodh ar na dátaí

---

<sup>942</sup> LN G730, nóta ar ghiota páipéir idir lgh 2-3, lch 145.

<sup>943</sup> 64 lch sa chuid seo, agus scríobh Uilliam lgh 1-62. Is i lámh an ‘phátrúin’ atá lch 63, agus fágadh lch 64 bán.

<sup>944</sup> Clóbhuailleadh an téacs seo ón lámhscríbhinn seo, agus ó leagan béil, faoin teideal ‘Beatha agus Bás ár Slánaightheora’ in Ó Muirghesea (1936: 17-70). Bhailigh Antoine Ó Dochartaigh an dara leagan óna mháthair.

<sup>945</sup> Scríobhaí eile; féach an cuntas air i gCaib. 2.73 thíos.

difriúla a fuair Seosamh in CM L11.<sup>946</sup> Luann rollaí pá an *Irish Society* go bhfuair William Jordan éigin fócaíocht uathu idir 1826 agus 1827, agus tagraítear do dhuine darbh ainm sin arís i dtaifid an *London Hibernian Society* faoin mbliain 1839 (de Brún 2009: 299). Is stuama maith an scríobh a bhí ag an Uilliam seo againne de réir na haon lámhscríbhinne atá againn uaidh, ach ní raibh an litriú ach go measartha aige.<sup>947</sup> Thug Michael J. Murphy, fionnó leis, cuntas beag ar an scríobhaí seo ar an *Dundalk Democrat*, 17 Deireadh Fómhair 1987:

[An tAth. Lúcas Ó Domhnalláin] was dismissive of my great-grandfather, the late William Jordan of Tiffcrum. Jordan had been a clerk in Drogheda, then a farmer and organised a Gaelic school in Tiffcrum. He was a scribe and minor poet<sup>948</sup> and helped to set up a porridge centre with his two brothers and the local clergy at McGuill’s (now ‘The Three Steps’ public house) in opposition to the proselytising [*sic*] centres in Forkhill and Plaster. The brothers assisted with the meals from a shop they ran in Mill Street in Newry. This was set on fire, the brothers emigrated and eventually became very wealthy in New Orleans.<sup>949</sup>

<sup>946</sup> LN G428, lch 228. Cóipeáladh an chuid is mó den lámhscríbhinn seo as COBÁC M20, gach rud ach an dá dhán deiridh, ‘Laoidh Mhághnuis Mhóir’, *A chleírigh [*sic*] chanas na sailm*, a bhfuil seancholafon leis, ‘Finis. Septr. the 9th 1799 (1769?)’; agus an dán, *Siubhal Domhnaigh ná déan uaim*, lenar cuireadh ainm Uilliam mar scríobhaí na heiseamláire, agus an dáta 1825 mar dháta scríofa. Níl ceann ar bith den dá dhán seo le fáil in COBÁC M20 faoi láthair (de Brún 2009: 299), agus is éasca a thaispeáint gur baineadh an chéad dán as CM L11 (*b*), ar fhaisnéis an cholafon. Ní féidir teacht ar leabhar Uilliam, áfach, agus is dócha go bhfuil dul amú ar Sheosamh Laoide faoin scríobhaí. Ó tharla go luaitear an dáta 1825 mar dháta cumtha téacsanna (féach nóta 1118 thíos) in COBÁC M20, d’fhéadfadh sé gurbh ann a fuair sé an dáta 1825, ach ní mhíniúnn sé cá bhfuair sé an t-ainm Uilliam Iordan. Más ffor gur chuir sé lámh Uilliam agus scríobhaí eile trína chéile, is dóigh nár scríobhaí mór le rá an dara duine thart faoin am a raibh Seosamh Laoide ag scríobh. Bhí seantaithe ag Seosamh Laoide ar lámh Airt; féach Laoide (1904).

Scríobh Uilliam CM L11 (*a*) sa bhliain 1840, ar ndóigh. An dán a bhfuil colafon Uilliam, mar dhea, leis i lámhscríbhinn Sheosaimh Laoide, tá cóip di in CM L11 (*c*), lch 76, *Siubhal Domhnaigh nach deana bhfuain*, lámhscríbhinn le Pádraig Mhac Gatháin, agus is é an dáta a thugtar sa cholafon is gaire don dán sin an 19 Feabhra 1825, ‘Dated this 19<sup>th</sup> of February 1825’ (gan síniú leis), agus an méid sin le dán eile ar lch 80. Diomaite de nach cóip ghlan amach is amach d’ábhair CM L11 (*c*) a bhfuil in LN G428, is féidir gurbh é rud a tharla nár tuigeadh do Sheosamh Laoide gur scríobh beirt ar leith CM L11 (*a*) agus CM L11 (*c*), agus go bhfuair sé ainm Uilliam i gcuid (*a*), agus an dáta i gcuid (*c*) ar lch 80.

<sup>947</sup> Féach Ó Muirgheasa (1936: 70), áit a ndeir sé gur ‘mhór an gar’ dó cóip eile den téacs thuas a bheith aige.

<sup>948</sup> Níor éirigh liom teacht ar a chuid iarrachtaí, má ba ann dóibh.

<sup>949</sup> I gcló cheana in Ó Muirí (1994: 514), áit a bhfuarthas an chóip seo. An féidir go raibh baint ag an mbeirt deartháireacha seo leis an múinteoireacht fosta, agus gurbh iad an Henry Jordan agus an Andrew Jordan a bhí ag teagasc in Iúr Chinn Trá nuair a tiomsaíodh *Tuarascáil* 1834, 231? Ní fios. Dhealródh sé go bhfuil ceangal éigin ag an gcéadainm sin Andrew le muintir Iordan na Taoibhe Croime—féach nóta 953 thíos, mar a bhfuil sliocht as *Cancelled Land Books* an bhaile fearainn sin.

Tharraing Ní Uallacháin (2003: 26, 400) aird ar nóta eile a scríobh Murphy (1990) faoi, a thaispeánann dúinn an fáth ar éirigh sé as cóipeáil na lámhscríbhinní: ‘once the Roman Catholic Church denounced all things Gaelic he abandoned his Irish school and the speaking and writing of the language’. Deir Murphy (1990: 39-40) fosta go bhfuair Uilliam bás sa bhliain 1863 in aois a 49 mbliana, ach is dóigh le de Brún (2009: 300 *n.1*) go raibh sé ag iarraidh an eolais a thugtar i n*Daonáireamh na hÉireann*, 1821, ar William Jordan éigin (7 mbliana) ón Taobh Chrom, a cheangal lena chuid traidisiún féin. Is dearbh, cibé rud é, nach féidir an gasúr seacht mbliana seo a cheangal leis an té a bhí ag teagasc don *Irish Society* sa bhliain 1826.

D’fhéadfaí cúpla tátal a bhaint as an eolas seo. Bheinn ag déanamh amach go bhfuil an dáta báis measartha cruinn, áfach, ó bhailigh Murphy traidisiúin i dtaobh an scríobhaí óna sheanmháthair, Susan Jordan, arbh é a hathair é Uilliam Jordan. Bhí Susan tuairim is 20 bliain d’aois sa bhliain 1863, agus dhealródh sé go mbeadh tuairim mhaith aici ar dháta báis a hathar.<sup>950</sup> Ní hionann sin agus a áiteamh gur féidir linn glacadh leis an mbliain 1863 féin, áfach, ach nár mhiste muid glacadh léi mar thomhas iontaofa maith.

An chéad rud—ní dócha gur gá dúinn a cheistiú gurb ionann sinseanathair Michael J. Murphy agus an scríobhaí. B’fhéidir go ndéarfaí go bhfuil sé intuigthe gurb aon duine amháin máistir an *Irish Society* (1826-7), máistir an *London Hibernian Society* (1839) agus an scríobhaí, tharla gur féidir a rá, mar gheall ar mhodh teagaisc scoileanna an *Irish Society*, go raibh taithí ag múinteoir na bliana 1826 ar an nGaeilge scríofa. Is éard atá le baint as an méid seo, gur féidir (*i*) gur duine ar leith é

---

<sup>950</sup> Féach nóta 960 thíos. Nach spéisiúil an ní é, ó tharla go luann Michael J. Murphy 1863 mar dháta báis an scríobhaí, gur tuigeadh dó gur rugadh Susan í féin tuairim na bliana 1843. An é gur chuala sé uaithi go raibh sí ‘thart faoi’ 20 bliain d’aois nuair a cailleadh a hathair? Más ea, ní gá an dáta báis seo a cheistiú go mór, ach ní hé gur féidir linn glacadh leis an dáta breithe a thugann Michael J. Murphy mar gheall air sin, óir ní dócha go mbeadh sin ar eolas ag Susan Jordan.

an té a luaitear i n*Daonáireamh na hÉireann*, 1821, nó gur cuireadh a aois síos go contráilte—ó tharla nach bhfuil an daonáireamh bunaidh é féin againn ach nótaí taighdeora a cóipeáladh as; nó (ii) nach ionann an scríobhaí agus teagascóir(i) na gcumann sin. Is é an rud is mó a thacaíonn le léamh (i) go raibh an pobal sin a raibh litearthacht sa Ghaeilge acu chomh beag sin go dtéann sé in éadan a bhfuil ar eolas againn fúthu go mbeadh breis agus aon scríobhaí amháin ar aon ainm lena chéile ag saothrú ag an am céanna, ach is féidir eisceachtaí a lua leis sin gan amhras.<sup>951</sup> Ós rud é gur thraidisiún oidhreachtúil é scríobh na teanga i dteaghlaigh áirithe go pointe áirithe i dtréimhse na Nua-Ghaeilge go fiú, thiocfadh do theagascóir na bliana 1826, ar an ábhar sin, a bheith ina dhuine muinteartha leis an scríobhaí. Is fiú cuimhneamh air fosta nach bhfuil a oiread sin faisnéise ann go raibh cónaí ag teagascóir na bliana 1826 ar an Taobh Chrom riamh, as siocair nach dtugtar d’eolas air i dtaifid an *Irish Society* ach go raibh sé ag obair i ndúiche Dhún an Rí, ceantar riaracháin a chlúdaigh an chuid is mó de Thuaisceart Laighean agus d’Oirdheisceart Uladh. Is féidir, mar sin, gurbh í an scoil a bhí i dtrácht ag Michael J. Murphy an ceann a luaitear i dtaifid na bliana 1839, ní a chiallódh gur féidir go maith gur rugadh an scríobhaí tuairim na bliana 1814. Ar an taobh eile, más ea gurb ionann máistrí na mblianta 1826 agus 1839, ní mór gur éirigh sé as an teagasc ar feadh tamaill, óir níl trácht dá laghad air i d*Tuarascáil* 1834.<sup>952</sup> Ní eile, b’fhéidir, a théann leis an tuairim sin gur rugadh Uilliam c.1814 is ea gurb eol dúinn gur rugadh bean an scríobhaí, Margaret Mullan (ob.1893), ar a ndéanfar plé beag thíos, am éigin le linn na 1820í, agus go gcaithfeadh sé go raibh sí i bhfad ní b’óige ná máistir na bliana 1826. Ní haon

---

<sup>951</sup> Deascán samplaí i nóta 479 thuas.

<sup>952</sup> Is eol dúinn gur éirigh cuid mhaith scríobhaithe a bhí fostaithe ag an *Irish Society* as cóipeáil lámhscríbhinní, agus as an teagasc fosta tar éis achrann na bliana 1828, ach is ar éigean a d’fhéadfaí sin a áiteamh faoi theagascóir nár ghlac col le díolaíocht a fháil ó chumann gaolmhar, an *London Hibernian Society*, sa bhliain 1839.



chruthú é sin, de réir nósanna cleamhnais na tréimhse, ar ndóigh. Fághtar faoin léitheoir a rogha adhmaid a bhaint as seo.

Ní féidir teacht ar shonraí cruinne i dtaobh bhás Uilliam an scríobhaí i dtaifid an stáit, a tosaíodh ar a gclárú an 1 Eanáir 1864, cé go gcaithfear a mheabhrú go bhfuil an iliomad sin bearnaí iontu i ndúichí iargúlta suas go dtí na blianta luatha den 20ú hAois. Mar chruthú againn gur dócha go raibh sé marbh faoi thús na bliana sin, cibé rud é, is féidir tagairt a dhéanamh do *Luacháil Griffith* (1864), áit nach bhfuil tuairisc air, cé go luaitear beirt eile dar sloinne sin a bheith ina n-áititheoirí ar an Taobh Chrom, Andrew Jordan agus Margaret Jordan.<sup>953</sup> Is í baintreach Uilliam í Margaret Jordan (iníon Mullan, mar a fheicfear ar ball); cailleadh í ina teach féin ar an Taobh Chrom ar an 2 Nollaig 1893, agus na trí scór sáraithe aici.<sup>954</sup> Ba é a mac féin, Patrick

<sup>953</sup> Sleachta as *Luacháil Griffith* (1864), agus eolas breise as na *Cancelled Land Books* (1864-1929) atá ar coimeád in PRONI, PRONI 12/B/15/13A-D. Maidir leis na leabhair seo, féach Aguisín 8.

Uimh.	Áititheoir.	Bliain an Leasaithe.	Nóta.
27	Andrew Jordan Margaret Jordan Catherine Tiernan	1885 1897	Suas go dtí an bhliain 1900 anseo amháin; as seilbh an teaghlaigh ó 1897 amach.
33a	Margaret Jordan Patrick Jordan	1895	Mar sin suas go dtí 1923, nuair a rinneadh na limistéir vótála a atarraingt. Déantar aon phlota amháin, 33ab, de 33a agus 33b i ndiaidh do Patrick Jordan seilbh a ghlacadh orthu beirt.
33b	Andrew Jordan Marg <sup>l</sup> Jordan Patrick Jordan	1889 [ceartaithe ó 1885] 1895	Féach 33a thuas.

Is í máthair Patrick agus bean Uilliam í an Margaret Jordan seo, agus bheifí ag súil leis go bhfuair sí bás go grod roimh an mbliain 1895—féach nóta 954 thíos.

<sup>954</sup> Teastas báis Margaret Jordan (*OAC*, Clárúimhir: 3927957), 1893. Ar an 2 Nollaig 1893 a fuair sí bás ar an Taobh Chrom, in aois a 63 bliana, baintreach, scológ. Chláraigh ‘Patrick Jordan, son of deceased, present at death, Tievecrom’ an teastas an 6 Nollaig 1893.

Is doiligh a chreidiúint gur rugadh í chomh mall leis an mbliain 1830, ach ba dhóigh le Patrick Jordan é féin sa bhliain 1901 gur saolaíodh é c.1848; féach nóta 955 thíos. Tháinig malairt aigne air idir sin agus 1911, nuair a dheimhnigh sé ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1911, go raibh sé 69 mbliana d’aois. Is é fírinne an scéil nach raibh tuairim cheart aige ar a aois féin, gan trácht ar an tuairim a bheadh aige ar aois a mháthar.

Dála na tagartha a tugadh thuas do theastas báis Margaret Jordan, is fiú nóta mínithe a thabhairt uirthi, óir luafar a leithéid de thaifid go han-mhinic amach anseo. Is é rud is brí le *OAC* ‘Oifig an Ard-Chláraitheora’, an oifig atá freagrach as clárú taifead sibhialta i bPoblacht na hÉireann.

Tosaíodh ar chlárú póstaí nár phóstaí Caitliceacha iad in Éirinn ar an 1 Aibreán 1845, agus coinníodh taifid ar bhreitheanna, ar bhásanna agus ar phóstaí Caitliceacha ón 1 Eanáir 1864 ar aghaidh.

Úsáideadh limistéir Aontais na mBocht mar chóras riaracháin, agus tharlaíodh sé i dtólamh, beagnach, gurbh é an dochtúir áitiúil an cláraitheoir áitiúil fosta. Cé gur tháinig na taifid a coinníodh ó 1845 agus

Jordan, a chláraigh a teastas báis, an Patrick Jordan (a rugadh c.1842/1848)<sup>955</sup> a

luaitear i nóta de chuid an Ath. Uí Dhomhnalláin ar an dóigh ar scriosadh lán bosca de chuid pháipéir Uilliaim a fágadh sa teach,<sup>956</sup>

ó 1864 ar aghaidh slán, ní ceist dúinn gur fágadh cuid mhór breitheanna agus básanna gan clárú sa 19ú hAois, agus is gnách gur bearnaí na taifid i ndúichí iargúlta. Dhéantaí cóipeanna deimhnithe de na clárleabhair gach ráithe, cóipeanna a cuireadh chuig Oifig an Ard-Chláraitheora, agus is iad seo na taifid a bhfuil fáil phoiblí orthu. Go dtí le déanaí, ní raibh ach innéacsanna páipéir ar fáil do taifid seo, innéacs ar leith do gach bliain ó 1864 go 1877, agus ceann do gach ráithe ó 1878 ar aghaidh.

Sonraítear sna hinnéacsanna seo ainm an duine, an tAontas inar cláraíodh an teastas, agus uimhir an imleabhair ina bhfuil an taifead, agus uimhir an leathanaigh ar a bhfuil sé scríofa.

Táthar ag cur na dtaifead seo ar fáil ar líne anois ar [www.irishgenealogy.ie](http://www.irishgenealogy.ie), agus mar chuid den obair dhigitithe, tá ‘cláruimhreacha’ úra á mbaisteadh ar na seantaifid. Bhí an obair seo déanta, an uair a scríobhadh an nóta seo (mí an Mheithimh 2019), ar na taifid bhreithe uilig, agus siar go dtí na blianta 1864 agus 1878 faoi seach do na póstaí agus na básanna. Déantar tagairt do na cláruimhreacha úra áit a bhfuil siad ar fáil (mar a rinneadh ag tús an fhonóta seo); agus úsáidtear na seantagairtí do na taifid nach bhfuil ar fáil ar líne (Póstaí, 1845-1863; Básanna 1864-1878). Tá sampla den chineál seo nóta tagartha i nóta 1098, áit a dtugtar tagairt do bhás a cláraíodh sa bhliain 1877.

<sup>955</sup> Is é an nóta a scríobh Donnellan (1908: 67), nóta a bhfuil cóip de thuas, an t-aon phíosá faisnéise atá againn a ligeann dúinn Patrick Jordan a cheangal leis an scríobhaí, agus tugann sé píosa eolais luachmhair eile dúinn—gur fhan sé i dteach a athar go dtí c.1908. Ní sloinne coitianta é sa bhaile fearainn. Bhí Patrick Jordan ag cur faoi i dteach 18 ar an Taobh Chrom nuair a glacadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1901; tá sé ar taifead mar phríomháititheoir theach 4 sa bhaile fearainn céanna in 1911. Níl i gceist sna huimhreacha seo ach modh cláraithe a úsáideadh le hobair an áiritheora a éascú. B’fheirmeoir é Patrick Jordan agus bhí Gaeilge aige. Baineadh na sleachta thíos ón dá dhaonáireamh sin:

Ainm.	Gaol le fear an tí.	Aois (1901).	Aois (1911).
Patrick Jordan.	Fear an tí.	53.	69.
Catherine Jordan.	Bean.	38.	48.
William Jordan.	Mac.	12.	Ní luaitear.
Mary Jordan.	Iníon.	10.	Ní luaitear.
James Jordan.	Mac.	8.	19.
Maggie Jordan.	Iníon.	Ní luaitear.	16.
Thomas Jordan.	Mac.	5.	15.
Annie Jordan.	Iníon.	2.	11.
Patrick Jordan.	Mac.	Ní luaitear.	9.

Is féidir cur leis an eolas sin píosa. Deirtear ar fhoirm na bliana 1911 gur rugadh deichniúr clainne dóibh, agus go raibh seachtar acu ina mbeatha. Ó aoiseanna a gcuid páistí, agus na dátaí breithe a thugtar i gclár breitheanna Aontas Iúr Chinn Trá, is féidir Patrick agus Catherine Jordan a cheangal leis an lánúin sin, Patrick Jordan agus Catherine Murphy ón Taobh Chrom dár rugadh na páistí seo a leanas idir na blianta 1886 agus 1903. Tháinig siad uilig ar an saol ar an Taobh Chrom.

Ainm.	Dáta breithe.	Cláruimhir (OAC).
Susan Jordan.	13 Meitheamh 1886.	8979436. Phós sí William Miskelly, 1909.*
William Jordan.	13 Meitheamh 1888.	8780755.
Mary Jordan.	8 Bealtaine 1890.	10958674. D’éag an 5 Meán Fómhair 1909.**
James Jordan.	14 Márta 1892.	9369265.
Margaret Jordan.	20 Aibreán 1894.	10953191.
Thomas Jordan.	4 Samhain 1895.	11007291.
Patrick Jordan.	7 Nollaig 1897.	9531101. D’éag an 9 Eanáir 1898.***
Anne Jordan.	9 Márta 1899.	9758358.
Patrick Jordan.	16 Nollaig 1901.	204712.
Michael Charles Jordan.	11 Nollaig 1903.	4698335. D’éag an 6 Aibreán 1906.****

\* An 25 Bealtaine 1909. Ar an Taobh Chrom a bhí cónaí uirthi, agus ba as Droim an Tí dó, OAC, Cláruimhir: 1908222.

\*\* In aois a 19 mbliana. OAC, Cláruimhir: 5056866.

\*\*\* OAC, Cláruimhir: 4245369.

Patrick Jordan, of Tiffcrum, told me that only two or three years ago a large boxful of MSS. which were in his house were thrown out as useless. They were written by his father William Jordan, one of the best Irish scholars of his day. Some of his transcriptions are to be found among the late Monsignor O'Laverty's collection, part of which is now in St. Malachy's College, Belfast; among others a "metrical Life of Christ."<sup>957</sup>

Fágann sin gur caitheadh amach iad i dtrátha na bliana 1905 (Donnellan 1908: 67).

Phós an mac seo, Patrick Jordan, Catherine Murphy ar an 29 Nollaig 1884, agus rugadh deichniúr páistí dóibh i dteach a mháthar idir na blianta 1886 agus 1903.<sup>958</sup> Ó tharla nár osclaíodh an clár baistí is sine atá againn de chuid pharóiste Dhroim an Tí go dtí an bhliain 1853, níl trácht ann ach ar an bpáiste deiridh a rugadh d'Uilliam Iordan agus dá bhean, Margaret Mullan—mar a thugtar uirthi ann—Charles Jordan ón Taobh Chrom a baisteadh ar an 13 Márta 1856<sup>959</sup>—is dóigh go bhfuil sé le haithint leis an té a bhí ina fhinné ag pósadh Patrick Jordan. Iníon le hUilliam ab ea í Susan Jordan (c.1843-1946), a d'fhan sa bhaile go dtí gur phós sí Owen Murphy

---

\*\*\*\* In aois a 2 bhliain go leith. *OAC*, Cláruimhir: 4841271.

Ar bhonn an ainm a baisteadh ar an mac ba shine, luífeadh sé le dea-chéill go dtugtaí William ar athair Patrick na ndaonáireamh, agus deirtear ar fhoirm na bliana 1911 go raibh Patrick agus Catherine pósta le 26 bliana. Tá ann don teastas pósta (*OAC*, Cláruimhir: 2306531), agus léiríonn sé gur céiliúradh an pósadh san Eaglais Chaitliceach i nDroim an Tí ar an 29 Nollaig 1884, cé go dtugtar Pat<sup>k</sup> Gordon ón Taobh Chrom ar Patrick, agus gan é a bheith ach 30 bliain d'aois. Bhí Catherine Murphy 20 bliain d'aois. Ní hé sloinne Patrick an t-aon bhotún amháin a rinneadh sa teastas—líonadh slí bheatha Patrick isteach sa cholún ina raibh a stádas pósta le taifeadh, áit a dtugtar, mar ba cheart, 'Spinster' ar a bhean, agus fágadh an colún ina raibh slite beatha na beirte acu le sonrú gan líonadh. Is í an mheancóg is mó ó thaobh na hoibre seo againn go dtugtar 'Tho<sup>s</sup> Gordon' agus 'Tho<sup>s</sup> Murphy' ar aithreacha na beirte acu faoi seach, ach is dóigh, ar bhonn an eolais a thug an tAth. Ó Domhnalláin, agus de bharr na foinsé óna bhfuair sé é, .i. ó Patrick Jordan é féin, gur féidir linn ainm a athar a chur síos mar bhotún eile—an ceathrú ceann—a rinneadh agus an teastas seo á chur le chéile. Ó tharla gur shínigh Patrick an teastas lena chomhartha, ní dóigh go raibh sé in inmhe an uair sin an botún a aithní. Léiriú eile, má ba ghá é, ar ghuagacht na dtaifead seo.

<sup>956</sup> Taispeánann sé seo nach raibh an ceart ag Ní Uallacháin (2003: 26) nuair a thuairimigh sí gur chuir Uilliam Iordan a chuid lámhscríbhinní uaidh in 1840.

<sup>957</sup> Donnellan (1908: 67), tagairt a luadh cheana i gCaib. 1.1.3. Ní heol dom go bhfuil lámhscríbhinn ar bith eile dá chuid i gColáiste Mhaolmhaodhóg anois ach an ceann a luaitear thuas, ina bhfuil cóip de 'Itche an Aithrígh', an 'metrical life of Christ' dá ndéanann an tAth. Ó Domhnalláin tagairt, ná ní dócha go raibh riamh, óir is í sin an t-aon lámhscríbhinn de chuid Uilliam atá luaite i gcatálogo Eoin Mhic Néill (1906; 1906a; 1906b; 1906c).

<sup>958</sup> Féach nóta 955 thuas.

<sup>959</sup> *Clár Baistí & Póstaí, Droim an Tí*, 1853-79:

'13<sup>th</sup> [Márta 1856]. Charles of William Jordan & Margt Mullan. Sp<sup>s</sup> Margaret & Pat<sup>k</sup> Begley. Tiffcrum'.

(c.1843-1927) ó Dhroim an Tí ar an 5 Eanáir 1873.<sup>960</sup> Tugtar mar thuairisc lom ar a hathair Uilliam ar an teastas pósta gur scológ é, agus go raibh sé marbh faoin am sin. Ar scáth na dtagairtí seo, is féidir dáta a bháis a shuíomh idir na blianta 1855 agus 1864, ní a thugann seasamh éigin do thraidisiún a fhionnó—scéal Susan, is dóigh—gur cailleadh sa bhliain 1863 é.

## 2.24. James Kelly, *fl.c.*1841

**ARÉ 24P7 (95).** Bloghanna di.<sup>961</sup> Rainn fáin. 184[1 ?].<sup>962</sup>

An beagán ábhair atá againn ó lámh an scríobhaí seo, grafadh é ar spásanna a d'fhág príomhscríobhaí na coda sin, Éadbhard Ó Cearbhalláin (*q.v.*), bán. Is féidir, mar sin, gurbh as an dúiche thart ar Dhún Dealgan, Co. Lú, do James Kelly,<sup>963</sup> tharla gurbh ann a bhí cónaí ar Éadbhard nuair a scríobh sé a chuid den lámhscríbhinn, agus go raibh sí sa taobh sin tíre le fada an lá nó go bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh seilbh uirthi.

---

<sup>960</sup> Deirtear ar theastas an stáit (*OAC*, Cláruimhir: 2810346) go raibh Susan Jordan lánaosta, ina bhean shingil, gurbh é ‘William Jordan (Deceased)’, scológ, a hathair, agus go raibh cónaí uirthi ar an Taobh Chrom, nuair a phós sí Owen Murphy ar an 5 Eanáir 1873. Ní thugtar aon eolas breise i gclár baistí agus póstaí Dhroim an Tí anuas ar an méid sin. Ba as Droim an Tí dá fear céile, Owen (Owney) Murphy, agus ba mhac le Stephen Murphy é. Fágann sin nach soiléir cén pháirt a bhí aige, má bhí, le Catherine Murphy, bean Patrick Jordan, in ainneoin gurbh as an mbaile fearainn céanna dóibh beirt. De réir na beathaisnéise a chuir Ní Uallacháin (2003: 399-400) le chéile ar Susan Jordan, labhraíodh sise agus a fear, Owney Murphy, Gaeilge sa bhaile, agus thug sí leagan de ‘Úirchill an Chreagáin’ don Ath. Lúcas Ó Domhnalláin. Tá grianghraf de Susan agus a mac, Jonny Oiney Murphy, in Ní Uallacháin (2009: 399). Fuair Owney Murphy bás sa bhliain 1927 in aois a 84 bliana. Tagraíonn Ní Uallacháin (2003: 399) do scéal a fuair garmhac Susan uaithi—an bailitheoir béaloidis Michael J. Murphy (1913-1996)—i dtaobh a hathar, gur bhain sí ‘an edible weed from the rocks in Tifficum for her father’ in am an ghátair, scéal atá i gcló in Murphy (1990: 40). Mac leis an lánúin seo, Owney agus Susan, ab ea é Michael Murphy, a phós Mary Campbell ar an 19 Aibreán 1900 (*OAC*, Cláruimhir: 2441144), agus is iad tuismitheoirí Michael J. Murphy iad Michael agus Mary.

<sup>961</sup> Ábhar óna lámh ar lgh 238, 265.

<sup>962</sup> Tá ciumhais an leathanaigh (lch 265) ar ar scríobhadh an nóta seo caite go mór, ach is dóigh liom gur féidir 1841 (nó 1840, b'fhéidir) a léamh.

<sup>963</sup> Féach fosta an dréacht litreach a scríobh James Kelly chuig Michael Kelly, Dún Dealgan, ar imeall lch 3 in COFLA D2, ar scríobh Éadbhard Ó hEachaidh (*q.v.*) a mórchuid. Seo an cuntas a thugann Ó Fiannachta (1980: 5) air, ‘Dréacht de chuid de litir faoi leanbh a fágadh faoi chúram an scríbhneora’.

## 2.25. Patrick Kelly, *fl.*1787

**COFLA [B2].** Cóip d’fhoclóir clóite. 1787.

Níl d’eolas barainneach agam ar an scríobhaí seo de bhreis ar an méid a deir Ó Muirí (2011: 74) faoin lámhscríbhinn aonair, ar cóip d’fhoclóir clóite í, atá againn uaidh.

Cé go bhfuil barraíocht de thagairtí éagsúla againn do dhaoine darbh ainm sin a raibh baint acu leis an nGaeilge san 18ú hAois, is deacair, áfach, duine ar bith acu a cheangal leis an scríobhaí seo toisc a laghad eolais atá againn ina thaobh agus a mhinice a bhuailtar leis an ainm sin sa cheantar. B’fhiú a lua, áfach, gur shínigh duine éigin darbh ainm sin an lámhscríbhinn COFLA F1, ar ghráf Tomás Ó Caoindealbháin (*q.v.*) ó Cho. Ard Mhacha an chuid is mó di sa bhliain 1795.<sup>964</sup>

## 2.26. Magnus Mac Amhlaoihbh, *fl.*1658

**LB Eg. 189.** Formhór di. ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, nótaí ar pharóistí i nDeoise Chlochair. 1658. Don Ath. *Pádraig Ó Droma*.<sup>965</sup>

Ar chlárú na lámhscríbhinne seo do Robin Flower, is é an tátal a bhain sé aisti, mar gheall ar an ábhar a bhí inti, agus ar bhonn shloinnte an scríobhaí agus a phátrúin, gur dócha gur dhuine de mhuintir Dhroma Cho. Fhear Manach é an tAth. Pádraig Ó Droma. Sin de bharr go mbíodh muintir Dhroma ina n-airchinnigh ar Chinn Náile tráth, is dóigh, agus deir sé fós, ‘The scribe was, no doubt, one of the Mac Awleys of Fermanagh’, *B.M. Cat.*, ii, 569-70. Dhealródh sé nár mhiste do Flower—sa chás

---

<sup>964</sup> Féach fosta an cuntas a thugtar ar Patrick Kelly, máistir scoile a fuair íocaíocht ón *Irish Society*, in de Brún (2009: 309).

<sup>965</sup> An tAth. Pádraig Ó Droma (*fl.*1658-84), Biocáire Ginearálta na Cille Móire. Bhí sé ceaptha sa phost sin faoin 6 Márta 1665, óir cuireann sé a ainm le hachainí dar dáta sin mar ‘Patricius Droma Cillmorensis Vicarius Generalis’, COBÁC D2 (*a*), mír 3, ní atá i gcló in Walsh (1933: 66-7). Tugtar nóta faoin achainí in Dillon, Mooney & de Brún (1969: 133). Tá beagán eolais ar fáil faoi i gcorp an chuntais thuas. Is í an tagairt is maille atá feicthe agam dó a ainm a bheith luaite in achainí dar dáta 14 Márta 1684, ‘Patritius Drom vicarius generalis Kilmorensis’ (Millet 1986: 94); féach fosta na tagairtí do bhíocáirí eile in MacKiernan (2001).

áirithe seo—glacadh le sloinnte na beirte thuas mar leid ar a n-áit dhúchais, óir ní dóigh gur gá dúinn a bheith amhrasach de gurb ionann an pátrún agus Pádraig Ó Droma, Biocáire Ginearálta na Cille Móire (deoise a bhfuil cuid mhór de Cho. Fhear Manach an lae inniu suite inti), an té a thug comhairle do San Oilibhéar Pluincéad an uair a bhí na Doimnicigh ag iarraidh teacht isteach sa chontae le freastal ar an bpobal áitiúil, an té a chuir a ainm le hachainí Gaeilge a síníodh i gCo. Fhear Manach sa bhliain 1665<sup>966</sup> leis an ruaig a chur orthu, tharla gur measadh an cúram sin a bheith mar phribhléid ag na Proinsiasaigh amháin. Tugann an scríobhaí, Maghnus Mac Amhlaoibh, le fios gur ‘chompánach’ é leis an Ath. Pádraig Ó Droma.<sup>967</sup> Tá cúpla leid théacsúil fosta in LB Eg. 189 gur cuireadh í, nó codanna di, le chéile i gCo. Fhear Manach as ábhair a tiomsaíodh sa dúiche sin. Siúd iad na nótaí fáin ar pharóistí an chontae sin i gcúl an leabhair<sup>968</sup> a ndeirtear gur cóipeáladh iad as leabhar oiris de dhéantús mhuintir Luinín, teaghlach léannta a raibh ceangal seanbhunaithe acu le muintir Mhig Uidhir. De bhreis air sin, bhí istigh leis an lámhscríbhinn sa bhliain 1820 giota scaoilte ar bhlogh de lámhscríbhinn leighis<sup>969</sup> é, agus ceangal aige le muintir Chaiside. In ainneoin a bhféadfaí a rá faoi scaipeadh na seanteaghlach ó aimsir an Dara Concais ar aghaidh, is dócha gur leor sin le bheith sásta gurbh as an gcomharsanacht thart faoi Cho. Fhear Manach don scríobhaí, ach níl giota eolais dá shuaraí ar fáil faoina bheatha.

---

<sup>966</sup> Féach nóta 965 thuas.

<sup>967</sup> I gcolafon in LB Eg. 189, f. 119. Féach go bhfuil beagán Laidine aige sa cholafon seo fosta. Níl aon eolas agam go raibh cléireach darbh ainm Maghnus Mac Amhlaoibh i gCo. Fhear Manach an uair sin, ámh.

<sup>968</sup> F. 120. Clóbhuaileadh an giota in Ó Maolagáin (1963), áit a bhfuil ceartúchán ar nóta comhthéacsúil Flower.

<sup>969</sup> Mar a thug Flower faoi deara cheana sa *B.M. Cat.*, ii, 570: ‘As it was written by an O’Cassidy, probably one of the family of hereditary physicians of Fermanagh, its association with the volume was, no doubt, of long standing’. An bhlogh lámhscríbhinne féin, ar a bhfuil an t-ainm ‘Edd Cassidy’ scríofa, tá sé anois istigh le LB Eg. 89, airt. 3(16), [ff. 195-6]; agus tá nóta air i gcatalóg Standish Hayes O’Grady, *B.M. Cat.*, i, 221, a chreid gur scríobhadh i dtreo dheireadh na 16ú hAoise, nó go luath sa 17ú hAois, í.

**COBÁC M24.** Cuid di.<sup>970</sup> Dánta cráifeacha—cuid acu le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Brian Ó Cathaláin, [Séathrún Céitinn], ‘Beatha San Seorsa’, ‘Beatha na Maighdine Muire’. Ar bhruach Loch Meilbhe, Ros Inbhir, Liatroim 1825-6.<sup>971</sup>

**BCM 11.**<sup>972</sup> Formhór di.<sup>973</sup> ‘An Síogaidhe Rómhánach’, laoithe fiannaíochta, dánta le hUilliam Ó Dubhshláine, [Eoghan Ó Donnghaile], Fiachra Mhac Bhrádaigh, Gearalt Ó Cuilleáin, Parson Brady [= Pilib Mac Brádaigh], Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, [Cathal Mag Ruaidhrí], ‘Marbhna Eoghain Mhic Dhiarmada’, dánta cráifeacha—cuid acu le Donnchadh Mór [Ó Dálaigh, Brian Ó Cathaláin], Bonabhentura Ó hEodhasa, ‘Agallamh an Anma agus an Choirp le Chéile’ (cuid de), ‘Fuatha Sheáin Éadroim’ [= ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’], búrdúin agus dánfhocail, sleachta as tráchtas staire, ‘Tairngire Amhlaobh Mhic Carrthaigh’, ‘Dán Mhaoise’, ‘Tagra na Muice agus an Chléirigh’ (cuid de), ‘Cáineadh Whaley’, ‘Mac na Míchomhairle’. Dumha Ard, Loch Meilbhe, Ros Inbhir, Liatroim 1823-8.

<sup>970</sup> Chomh maith agus is féidir liom a dhéanamh amach, gan staidéar mion a dhéanamh ar an bpeannaireacht, ba é Pádraig Mhac an Bhaird a scríobh an chéad chuid den leabhar, lgh 1-206, ina bhfuil na beathaí, agus thosaigh Mícheál Mhac an Bhaird a scríobh i lár lch 206. Tá dátaí cruinne leis an ábhar ar lgh 1-206: an 8 Iúil 1825 (agus síniú Phádraig Mhic an Bhaird), lch 6; agus an 25 Meán Fómhair 1825, lch 206. Is cuartha agus is troime peannaireacht Mhíchíl ná peannaireacht bhiorrach Phádraig (agus í measartha éadrom cuid mhaith den am), agus tá claonadh ag Mícheál boghanna móra maiseacha a úsáid i gcás na litreach *s* (agus *e* ard) ó áit go chéile. Tá an dáta 1825 ag Mícheál ar lch [273]. Is follas gur leathanach teidil ó cheart é lch [273], agus go raibh sé le teacht roimh lgh i-ii, an chéad duilleog cheart sa lámhscríbhinn ar ar scríobh Mícheál dhá dhán chráifeacha. Measaim go bhfuil an dáta 17 Márta 1826 inléite ar lch ii. Féach nóta 971 thíos, agus ó thaobh na lámh de, na tagairtí do ‘Beatha Mhaodhóige’ i litreacha Sheáin Uí Dhonnabháin sa chuntas seo.

<sup>971</sup> Is follas gur scríobhadh formhór na lámhscríbhinn sa bhliain 1825, ach féach an dáta ar lch ii i bpeannaireacht Mhíchíl. Tá an bhliain doiléir, ach is dóigh gurb é an 17 Márta 1826 an dáta scríofa a thugtar ar an bhforduilleog seo.

<sup>972</sup> Cláraíodh an lámhscríbhinn in Nilsen (1985: 3-12), ach ní thugtar uimhir thagartha. Is ag brath ar an *Treoir.*, 13 §36, atá mé anseo.

<sup>973</sup> Féach Nilsen (1985: 3), áit a bhfuil liosta de na leathanaigh atá i lámh Mhíchíl Mhic an Bhaird; ba é Pádraig Mhac an Bhaird a scríobh an chuid is mó den ábhar eile.

Is aisteach an ní é, ach d'fhág Mícheál Mhac an Bhaird againn rann beag a léiríonn gur thosaigh sé a scríobh Gaeilge sa bhliain 1822 in COBÁC M24,<sup>974</sup> lámhscríbhinn a grafadh idir na blianta 1825 agus 1826 i bpáirt lena dhuine muinteartha—glacaim leis—Pádraig Mhac an Bhaird;<sup>975</sup> agus is ar éigean a chreidfí nach raibh ach taithí trí bliana ar an scríbhneoireacht aige an tráth ar ghráf sé í, tharla a ghairmiúla agus a dheach-chumtha atá an pheannaireacht agus an leagan amach tríthi. Ba as ARÉ 23041 (181), lámhscríbhinn le Séamus Bacach Mhag Uidhir, a rinne Mícheál agus Pádraig na cóipeanna de ‘Beatha Mhaodhóige’ agus de na beathaí eile atá in COBÁC M24 (Ó Súilleabháin 1957: ix; de Brún 1969: 558),<sup>976</sup> cé gur nós iad uilig a leagan ar Mícheál. Léiríonn *Leabhar Deachúnaithe* an pharóiste go raibh ‘Mich<sup>l</sup> Ward’ ina áititheoir ar shé acra talún i nDumha Ard sa bhliain 1833 (de Brún 1969: 558), ach níl tuairisc ar bith tar éis na bliana 1828 ar Phádraig Mhac an Bhaird. Bhí duine eile darbh ainm Frank Ward ag cur faoi sa bhaile fearainn céanna. Toisc go bhfuil paróiste Ros Inbhir suite idir Co. Liatroma agus Co. Shligigh, déantar plé ar an bparóiste faoi dhó sna litreacha a scríobh Seán Ó Donnabháin chuig Larcom a fhad is a bhí sé lonnaithe ann ag déanamh taighde don tSuirbhéireacht Ordanáis: ba i mí Iúil 1836 a scríobhadh iad uilig.

Thángthas breis agus tríocha bliain ó shin ar lámhscríbhinn eile le Mícheal Mhac an Bhaird agus le Pádraig Mhac an Bhaird i mBostún, nuair a bhronn Mrs. Ruth Small ó Burlington ar leabharlann Boston College í. Lámhscríbhinn thiubh 402 leathanach atá in BCM 11, agus chuidigh Pádraig Mhac an Bhaird le Mícheál agus é á scríobh. Is luachmhar an lámhscríbhinn í, óir léiríonn sí go maith an cineál ábhair a gcuirtí

---

<sup>974</sup> COBÁC M24, lch 273. Féach Caib. 1.3.2, colafon 140, mar a bhfaighfear cóip iomlán den rann.

<sup>975</sup> Glacaim leis go gcaithfidh sé go raibh páirt acu lena chéile, ach tá sonraí cruinne ag teastáil, agus ní haon ghar dúinn na taifid Chaitliceacha i bparóiste Ros Inbhir, óir tosaíonn clár na mbaistí in 1851 (le bearnaí), agus clár na bpóstaí sa bhliain 1844.

<sup>976</sup> Féach nóta 981.



spéis ann i gCo. Liatroma thart faoin am sin. Diomaite de go bhfuil cúpla dán Ultach ann, dhá cheann acu le Fiachra Mhac Bhrádaigh, agus go bhfuil píosaí ann a cheap filí Ultacha a bhfuil fáil orthu i lámhscríbhinní ceantar eile, m.sh. ‘Aisling na Binne Boirbe’ le hEoghan Ó Donnghaile (*ob.*1697), tá cúpla rud ann nach mbeifí ag súil leo áit ar bith eile sa cheantar seo—ach amháin, b’fhéidir, i gCo. an Longfoirt, m.sh. ‘Tagra na Muice agus an Chléirigh’, ‘Marbhna Eoghain Mhic Dhiarmada’, srl. Is fiú a lua go bhfuil an ‘dán’ ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’ sa lámhscríbhinn, ach faoin teideal a thugtar air i lámhscríbhinní an Deiscirt, ‘Fuatha Sheáin Éadroim’. Le linn do Mhícheál a bheith ag grafadh na lámhscríbhinne seo idir na blianta 1823 agus 1828, Pádraig ag cuidiú leis sa bhliain 1823, bhí scríobhaí Gaeilge eile, Séamus Ó Ficheallaigh (*q.v.*), ag obair ar lámhscríbhinn dá chuid féin, LN G436. Ba ar an Mátach, atá suite i Ros Inbhir fosta, a rinne Séamus Ó Ficheallaigh an scríobh, agus sin idir na blianta 1823 agus 1828 fosta.

Dá ghaire atá ábhar an dá lámhscríbhinn dá chéile, ní cóip ghlan ceann acu den cheann eile, cé go gcaithfidh sé go raibh an triúr scríobhaithe, Mícheal Mhac an Bhaird, Pádraig Mhac an Bhaird agus Séamus Ó Ficheallaigh, ag tarraingt ar an lámhscríbhinn, nó ar na lámhscríbhinní céanna, óir tá an t-ábhar céanna bunús uilig le fáil iontu. Scríobh Brian Ó Ruairc (*q.v.*) cuid den ábhar céanna arís idir na blianta 1841 agus 1842, agus is dóigh go raibh lámhscríbhinní eile dá gcineál ann uair: ní réitíonn aon cheann acu le catalóg lámhscríbhinne eile atá istigh le lámhscríbhinn de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh, ARÉ 24P29 (1074). Cuireadh le chéile í áit éigin gar do Ros Inbhir am éigin i ndiaidh 1834, ach is follas gur catalóg de lámhscríbhinn ghaolmhar eile í, agus bhí an chatalóg sin i gcnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh

faoin mbliain 1852.<sup>977</sup> I litir a scríobh Pádraig Ó hUiginn ó Bhéal Átha Séanaidh, Co. Dhún na nGall, chuig Roibeard Mac Ádhaimh, luann sé gur thug sé cóip de sheanleabhar ina raibh ‘Íacht Mhurchadh na Cuinntinne a dtích Gruig’ ar iasacht do dhuine darbh ainm ——— Ward. Ó nach fada ó Ros Inbhir Béal Átha Séanaidh, téann sé le dea-chéill gur ag tagairt do dhuine acu, Mícheál Mhac an Bhaire nó Pádraig Mhac an Bhaire, a bhí sé. Ar an 24 Meán Fómhair 1845 a scríobhadh an litir sin,

I send you that Dialogue between Dempsey and the sow, ... you have it now with all its orthographical faults about it for I had nothing to direct me as an original it being so very badly spelled and altogether unintelligible nor had I even a dictionary ... I send you Cáineadh Whaley and a few other short verses. I am very glad to hear that you succeeded so well on your Northern excursion and that you arrived safe at home, but you have not told me whether Ward had Íacht Mhurchadh na Cuinntinne a dtích Gruig. I think he transcribed it from my book. ...<sup>978</sup>

<sup>977</sup> Is féidir, ar ndóigh, gur baineadh cuid mhaith d’ábhar LN G436 as BCM 11 ach nár lean Séamus Ó Ficheallaigh d’ord BCM 11—is féidir go raibh scríobhaithe an dá lámhscríbhinn ag babhtáil ábhar chuig a chéile a fhad is a bhí siad á ngrafadh. Is follas, áfach, nár baineadh LN G436 go glan as BCM 11, óir tá ábhar ann nach bhfuil in BCM 11, agus atá i gcatalóg na lámhscríbhinne cailte, ní atá istigh le ARÉ 24P29 (1074). Féach LN G436, lch 188, áit a gcuirtear críoch leis an scéal ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’. Tagann ina dhiaidh sin colafon a scríobhadh i mí Dheireadh Fómhair 1825 a thaispeánann go raibh an té a scríobh an eiseamláir marbh faoin am sin. Scríobh Pádraig Mhac an Bhaire an scéal, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, sa bhliain 1823 in BCM 11, agus más eisean an Pat Ward a scríobh an nóta gearr ar lch 390a sa lámhscríbhinn sin, bhí sé ina bheatha chomh mall leis an mbliain 1828. Ní fada peannaireacht na beirte seo ó pheannaireacht na catalóige atá in ARÉ 24P29 (1074).

Mura nglacann muid leis gurbh é Pádraig Mhac an Bhaire a scríobh an nóta sin sa bhliain 1828 in BCM 11, is é an dáta is déanaí ar féidir a rá go raibh sé ina bheatha an 25 Meán Fómhair 1825, an dáta scríofa is déanaí a chuir seisean go pearsanta le COBÁC M24, mar a deirtear i nóta 970 thuas. Bheifí in ann a rá ansin gur féidir gurbh é Pádraig Mhac an Bhaire a bhí i gceist ag Séamus Ó Ficheallaigh agus é ag scríobh i mí Dheireadh Fómhair 1825, LN G436, lch 188, ach nárbh aisteach an ní é go deimhin do Mícheál Mhac an Bhaire gan nóta éigin a fhágáil againn go raibh Pádraig, gaol gairid leis, tar éis bás a fháil in BCM 11 ná COBÁC M24. D’fhág sé dhá nóta againn faoi bhás Eleanor [‘? Nic an Bhaire’] (*ob.*1830) éigin in BCM 11; féach Caib. 1.3, colafon 121.

<sup>978</sup> LN G702(14), mír 1; i gcló in Ó Buachalla (1968: 170-1). Is ábhar spéise go dtagraíonn Pádraig Ó hUiginn i litir eile, LN G702(14), mír 4, a scríobh sé ar an 3 Márta 1846, do ghiota a bhí sé tar éis a chur chuig Roibeard Mac Ádhaimh, ‘The Mirror of the Priesthood’. Ainm thar a bheith neamhghnách ar ‘Comhairle Mhic Clámha’ atá ann, agus tá an teideal aisteach sin ar an gcóip de ‘Comhairle Mhic Clámha’ atá in LN G436 fosta.

Tugann sé seo rud beag eile chun cuimhne: áitíodh cheana gur minic a deirtear—féach O’Connell (1959: 131-2 n.8),<sup>979</sup> mar shampla—gurbh é Mícheál Mhac an Bhaird a chóipeáil ‘Beatha Mhaodhóige’ in COBÁC M24; agus tá cineál de ghlacadh leis gurbh é Mícheál Mhac an Bhaird atá i gceist sa litir fhada a scríobh Seán Ó Donnabháin ar an 4 Iúil 1836 i dtaobh mhuintir Fhearghusa agus Mhiadhacháin,

[Hugh O’Fergus] shewed me the life of St. Mogue, which is at present in the possession of a —— Ward, the bard of the district. I looked over it with some care, and found that it contains some very curious topographical notices. Fergus would not let it out of the Termon lest, I suppose, he might incur the censure of the patron of his family, but he would get Ward to copy it for Two pounds, which I consider too much for us to give as Colgan has published the greater part of it. I offered him one pound, but he would not consent to copy it for so small a sum, as it consists of 106 quarto pages, the copying of which would occupy him 26 days. If you wish to have it I can drop him a line to that effect. Ward would copy it faithfully though he is only what I call a peasant scholar.<sup>980</sup>

Is maith a shoiléiríonn tagairt i litir eile an scéal, ní a scríobh Seán Ó Donnabháin ar an Maothail, Co. Liatroma, an 30 Iúil 1836, cé nach féidir a bheith deimhnitheach de arís go raibh Mícheál, agus ní Pádraig, i gceist aige.

The original MS. of Rossinver has long since disappeared, (but) a modern copy of it is in the possession of M<sup>r</sup>. Ward, who lives on the S. E. extremity of Lough Melvin. (This was made from) a more ancient copy of the same work in the handwriting of James Maguire...<sup>981</sup>

---

<sup>979</sup> Mar a tuigeadh d’Ó Súilleabháin (1957: ix), eagarthóir ‘Beatha San Proinsias’. Tá sé ar aon tuairim le O’Connell (1959) sa mhéid is go ndeir sé gurbh é Mícheál Mhac an Bhaird scríobhaí na beatha sin, gan tagairt ar bith a dhéanamh do Phádraig Mhac an Bhaird. Shínigh Mícheál COBÁC M24 cúpla uair, áit nach bhfuil ainm Phádraig tugtha ach i gceann amháin de na colafoin a scríobh sé isteach ina chuid féin den leabhar.

<sup>980</sup> ARÉ 14F4, lgh 6-7.

<sup>981</sup> ARÉ 14B16, lch 227b; i gcló in Herity (2012: 406 n.66). Níor cheart amach is amach d’Ó Súilleabháin (1957: ix) a áiteamh gur cóip í COBÁC M24 de ARÉ 23O41 (181). Ghráf Séamus Bacach Mhag Uidhir (*q.v.*) ARÉ 23O41 (181) idir na blianta 1720 agus 1721 ar an Dúbaile, Co. an Chabháin, agus cé go léiríonn na dátaí nár scríobhadh í go leanúnach ó thús go deireadh sa dóigh a bhfuil sí ceangailte, ní réitíonn ARÉ 23O41 (181) ó thaobh leagan amach (de réir na ndátaí ná uimhriú na leathanach) le COBÁC M24, agus tá ábhar in COBÁC M24 nach bhfuil i lámhscríbhinn Shéamus Bhacaigh. Cuireadh cuid den ábhar atá in COBÁC M24 i gcló i Muineachán sa bhliain 1800 in *The Spiritual Rose*.

Dhealródh sé gurb í COBÁC M24 an chóip nua-aimseartha sin, agus ní heol dom go raibh cnuasach mór lámhscríbhinní ag Mícheál, más é Mícheál atá i gceist, taobh amuigh dár scríobh sé féin.<sup>982</sup> Is dóigh go raibh Pádraig fós ina bheatha sa bhliain 1828, ar an tuiscint gurbh eisean an Pat Ward a scríobh nóta in BCM 11 an bhliain sin;<sup>983</sup> agus chuir Mícheál nóta leis an lámhscríbhinn sin faoi bhás Eleanor [? Nic an Bhaird] sa bhliain 1830.<sup>984</sup> Ó nach féidir mórán eolais eile a aimsiú sna foinsí Gaeilge, caithfear iarracht éigin a dhéanamh roinnt adhmaid a bhaint as na tagairtí iomadúla do dhuine (do dhaoine) darbh ainm Michael Ward a fhaightear sna taifid riaracháin. Constaic nach beag sa dóigh sin is ea nach dtosaíonn cláir baistí Ros Inbhir go dtí an bhliain 1851, taifid a ligfeadh dúinn na ceangail idir na glúnta éagsúla a dhéanamh amach, is dóigh. Is doiligh a rá, mar sin, nuair a fhaigheann muid tagairt do Michael Ward éigin sna taifid, cé acu is é an scríobhaí é, nó is mac nó nia leis é. Ar ámharaí an tsaoil, ní sloinne coitianta i Ros Inbhir é Mac an Bhaird, agus ní raibh ach teaghlach amháin díobh ag cur fúthu i nDumha Ard sa dara leath den 19ú hAois, sliocht Michael Ward éigin a rugadh tuairim is an bhliain 1800.<sup>985</sup> Ó

---

An chuid eile den chuntas: ‘(This [= COBÁC M24] was made from) a more ancient copy of the same work in the handwriting of James Maguire, a famous Irish scribe who lived in 1726 at Slieve-Da-Chon in the Barony of Magheraboy and C<sup>o</sup>. of Fermanagh ...’ (ARÉ 14B16, lch 227b; Herity 2012: 406 n.66), agus ceanglaíonn Seán Ó Donnabháin an seanleabhar leis an gceann a bhí i gcnuasach Myles O’Reilly an uair sin. Is dóigh gur féidir an lámhscríbhinn sin a cheangal le ARE 23O41 (181), agus cé nach cóip ghlan de COBÁC M24 í ARÉ 23O41 (181), is dóigh go raibh an ceart ag Seán Ó Donnabháin gur baineadh cuid de COBÁC M24 as lámhscríbhinn Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir.<sup>982</sup> Níor mhiste a lua go bhfuil sínithe inspéise againn ó dhuine darbh ainm Mícheál Mhac an Bhaird in dhá lámhscríbhinn de chuid Cho. na Mí: (1) an nóta léitheora ‘Michael Ward his hand’ in ARÉ 23K37 (152), *R.I.A. Cat.*, 434; agus (2) an síniú Gaeilge ‘Michael Mhac an Bhaird’ in ARÉ 12E25 (908), lch 111, *R.I.A. Cat.*, 2634. Déarfainn gurb é an duine céanna atá i gceist sa dá nóta seo, ach is leor an beagán scríbhneoireachta Gaeilge in ARÉ 12E25 (908) le taispeáint nárbh é Mícheál Mhac an Bhaird ó Cho. Liatroma a shínigh í. Mar gheall ar a bhfuil ar eolas againn i dtaobh an dá lámhscríbhinn sin, is dóigh gur Mhíoch é an Mícheál Mhac an Bhaird eile. Áit ar bith a ndéantar tagairt do Mhícheál Mhac an Bhaird gan a mhalairt a bheith curtha in iúl agam, is féidir glacadh leis go bhfuil an scríobhaí ó Cho. Liatroma i gceist agam, óir ní áirítear léitheoir ARÉ 12E25 (908) mar scríobhaí Gaeilge, cé go gcaithfidh sé go raibh sé in ann an teanga a scríobh. Tá lámh mhaith chleachtaithe aige agus é ag scríobh Gaeilge.

<sup>983</sup> Féach nóta 977 thuas.

<sup>984</sup> Féach Caib. 1.3, colafon 121 thuas.

<sup>985</sup> De réir aois a mhic, Daniel Ward, a rugadh sna 1840í(?), agus aois a mhná, Anne Ward (c.1807-1893)—más iad a bhean agus a mhac iad. Déanfar plé orthu ar ball.

tharla go bhfuil a fhios againn gur thosaigh Mícheál an scríobhaí a ghrafadh lámhscríbhinní sa bhliain 1822, is dóigh go raibh seisean agus Michael na dtaifead ar comhaois lena chéile a bheag nó a mhór, agus ní fheicim goidé an t-ábhar nach nglacfaí leis gurbh aon duine amháin iad, mar a dhéanfar amach anseo, ach amháin go dtagraítear don fhear a luaitear sna taifid mar Michael Ward, díreach le deighilt shofheicthe a dhéanamh idir an t-eolas a fuarthas sna lámhscríbhinní agus sna taifid riaracháin. Fágann sin gurb é an scríobhaí an té a luaitear sé acra leis faoi Dhumha Ard, Ros Inbhir, i *Leabhar na nDeachúnaithe*, 1833,<sup>986</sup> agus go raibh páirt éigin aige, is dóigh, le fear darb ainm Frank Ward atá ar taifead sa leabhar céanna a bheith ag cur faoi ar phlota sé acra sa bhaile fearainn sin (de Brún 1969: 558).

Is í an chéad tagairt eile a fhaigheann muid do Michael Ward é a bheith ina chónaí ar phlota talún 21A 2R 2P i nDumha Ard,<sup>987</sup> ar a raibh ceardcha agus teach i *Luacháil Griffith* (1857). Ní mór go raibh sé ina ghabha dubh, mar a bhí an chéad duine eile a luaitear an giota talún sin leis .i. Daniel Ward. Ciallaíonn sé seo, is dóigh, go bhfuair Daniel Ward greim ar thailte Michael Ward tar éis a bháis. Ní féidir píosa deimhnitheach faisnéise a sholáthar go dtugtaí Michael ar athair Daniel, toisc nár bhac Daniel le teastas pósta a chlárú leis an stát, ach thug sé Michael Ward ar an gcéad mhac a rugadh dó agus dá bhean chéile—agus dhealródh sé nárbh ainm cúl le cine an t-ainm a bhaist sé ar mhac eile leis, Patrick Francis Ward. Is fiú beagán a rá i dtaobh Daniel anseo, ar fhaitíos go gcruthófaí amach anseo gur mac le Michael é.

Bhí cónaí ar Daniel i nDumha Ard thart faoin am ar phós sé a bhean chéile, Bridget

---

<sup>986</sup> Fuarthas an t-eolas seo in de Brún (1969: 558), ach tá sonraí breise sna buntaifid .i. *Leabhar na nDeachúnaithe*, Ros Inbhir (1833). Dealraíonn sé go raibh plota Frank Ward (uimh. 455) ag críochantacht ar phlota Mich<sup>l</sup> Ward (uimh. 456) óir ní thugtar na háititheoirí in ord aibítre sa leabhar seo. Bhí 6A 0R 0P ag an mbeirt acu faoi seach: 2A 0R 0P curtha síos mar ‘Ar[able] & Pas[tur]e’ agus an chuid eile mar ‘Pasture’. Cuireadh luach £3.6.0 ar an dá phlota, agus socraíodh go raibh deachú £0.2.10½ an duine le díol ag an mbeirt acu.

<sup>987</sup> *Luacháil Griffith* (1857), Dumha Ard, Ros Inbhir, Co. Liatroma. Bhí mionghabháltas 1a, ‘House, forge & land’ ag Michael Ward. £7.10.0 an luach a cuireadh ar an talamh, agus £1.0.0. ar na foirgnimh.

Flanagan (c.1869-1914)<sup>988</sup> ón nGarastún c.1895, agus dhealródh sé gurbh i nGarastún a pósadh iad, más fíor do sheanchas mhuintir James Flanagan, deartháir leis an Bridget seo againne.<sup>989</sup> Rugadh cúigear do Daniel agus Bridget i nDumha Ard idir na blianta 1895 agus 1903, Mary Anne Ward (1895–), Michael Ward (1898–), Ellen Bridget Ward (1901–), Celia Ward (1903–), agus Patrick Francis Ward (1907–).<sup>990</sup>

Anne Ward a bhí ar mháthair Daniel: fuair sí bás i nDumha Ard ar an 11 Lúnasa 1893 in aois a 86 bliana, agus ba é Daniel féin a thug an t-eolas don chláraitheoir áitiúil.<sup>991</sup> Má ghlacann muid leis gur mhac le Michael Ward an Daniel Ward seo, is féidir linn, ar an mbonn sin, a áiteamh gurbh í Anne Ward (c.1807-1893) bean Michael Ward agus, ar an mbonn sin féin, bean an scríobhaí. Glacaimis leis an méid seo go sealadach go mbeifear in ann eolas eile a sholáthar. Ní féidir mórán eolais a fháil i dtaobh an teaghlaigh, a théann ó thuairisc sna taifid tar éis na bliana 1914, an bhliain ar cailleadh Bridget, ach gur tuigeadh do O’Connell (1959: 131-2 n.8) go

<sup>988</sup> Is doiligh mórán eolais a thabhairt faoi Bridget Flanagan, ach a bhfuil ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1901, agus 1911, áit a ndeirtear go raibh sí 31 agus 42 bhliain d’aois faoi seach. Féach nóta 990 thíos. Rugadh i gCo. Fhear Manach í, de réir an dá daonáireamh, agus fuair sí bás an 24 Eanáir 1914 in aois a 45 bliana (*OAC*, Cláruimhir: 5381892), mar a mheas Daniel Ward, a fear céile, an té a thug an t-eolas i dtaobh a báis. An plúchadh a sciob uaidh í.

<sup>989</sup> Fuair mé roinnt sonraí i dtaobh an teaghlaigh i litir a chuir garmhac le James Flanagan, an tUas. Bernard Flanagan ó Muckenagh, an Garastún, Co. Fhear Manach, chugam an 13 Aibreán 2018. Deir sé an méid seo i dtaobh Bridget: ‘Daniel Ward’s wife Bridget Flanagan was a sister of my grandfather James Flanagan. She came from Tullymore, Garrison, Co. Fer., so therefore she would have been married in Garrison, Co. Fermanagh’.

<sup>990</sup> Coimriú ar fhaisnéis an dá dhaonáireamh, *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, agus 1911, a thugaim anseo, mar aon le dátaí breithe na bpáistí, de réir mar a fuair mé iad i gclár an stáit; is do na cláir sin a thagraíonn na cláruimhreacha. Rugadh i nDumha Ard iad uilig.

Ainm.	Gaol le fear an tí.	Aois. (1901).	Aois. (1911).	Dáta breithe.	Cláruimhir ( <i>OAC</i> ).
Daniel Ward.	—	43.	59.	—	—
Bridget Ward.	Bean.	31.	42.	—	—
Mary Anne Ward.	Iníon.	5.	14.	25 Nollaig 1895.	9943188.
Michael Ward.	Mac.	3.	13.	2 Feabhra 1898.	9942500.
Ellen Bridget Ward.	Iníon.	11 mhí.	11.	24 Aibreán 1901.	4748495.
Celia Ward.	Iníon.	—	8.	4 Bealtaine 1903.	4747626.
Patrick Francis Ward.	Mac.	—	4.	14 Bealtaine 1907.	1255660.

<sup>991</sup> *OAC*, Cláruimhir: 3933054. Tugann sé seo leid dúinn, má ba í bean Mhíchíl í, ar a aois: má bhí an bheirt acu ar comhaois, nó geall leis, caithfidh sé gur rugadh é i bhfóthús na 19ú hAoise, ní a théann go measartha maith leis an mblúire eolais a thugann sé féin dúinn, is é sin, gur thosaigh sé a scríobh Gaeilge sa bhliain 1822.

ndeachaigh díth ar shloinne an teaghlaigh am éigin roimh lár na 20ú hAoise, as siocair nár phós na mic riamh, más fíor. Is doiligh teacht ar an bhfaisnéis a spreag é leis an méid sin a scríobh.

**2.28. Pádraig Mhac an Bhaird, fl.1823-8**

[Patrick Ward]

**COBÁC M24.** Formhór di.<sup>992</sup> ‘Beatha Grealláin’, ‘Beatha Mhaodhóige’, ‘Beatha San Proinsias’. Ar bhruach Loch Meilbhe, Ros Inbhir, Liatroim 1825.

**BCM 11.**<sup>993</sup> Cuid di. Dánfhocal, ‘Dhá Aoine D[h]éag Órdha’, ‘An Teagasc Críosaide i nDán’, ‘Na Seacht gCeannpheacaí Marbhtha’, ‘Críocha Déanacha an Duine’ (cuid de), dán le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, tráchtais staire, ceann dar teideal ‘D’Aosaibh na nAithreacha ó Ádhamh go Noe, agus Fad na hAimsire [atá ó] Ádhamh go Dílinn, agus Geinealach Noe go hÁdhamh’, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, ‘Agallamh an Anma agus an Choirp le Chéile’ (cuid de), ‘Tagra na Muice agus an Chléirigh’ (cuid de), foclóir beag de théarmaí gramadaí. Loch Meilbhe, Ros Inbhir, Liatroim 1823.<sup>994</sup>

Féach an cuntas ar Mhícheál Mhac an Bhaird, duine muinteartha le Pádraig, i gCaib.

2.27 thuas. Diomaite de gurb é an 25 Meán Fómhair 1825 an dáta is déanaí atá leis an méid dá shaothar a tháinig slán, is dóigh gurbh eisean an Pat Ward a scríobh nóta

---

<sup>992</sup> Déantar plé gairid ar na lámha i nóta 970 thuas.

<sup>993</sup> Féach nóta 972 thuas.

<sup>994</sup> Deir Nilsen (1985: 1) gur scríobh Pádraig Mhac an Bhaird a chuid den lámhscríbhinn seo idir an 16 Lúnasa 1823 agus an 18 Deireadh Fómhair 1823, ach féach nóta Phádraig ar lch 390a a thugann an dáta 1828 (Nilsen 1985: 12). Déantar plé ar an nóta sin i nóta 977.

léitheora ar BCM 11 sa bhliain 1828.<sup>995</sup> Ní fheicim tagairt ar bith dó i dtaifid Ros Inbhir sa dara leath den 19ú hAois.

## 2.29. Donnchadh Mhac an Chléirigh,<sup>996</sup> fl.1757-8

**LPBF 34 (b).** Dánta cráifeacha, cuid mhaith acu le Brian Dorcha Mór Mhac Con Midhe. 1757-8.<sup>997</sup>

Ón Ath. Brian Mhac Éanraoidh, O.P. (*ob.*1757),<sup>998</sup> prióir i gcoinbheint Dhroichead Átha, a fuarthas eiseamláir na lámhscríbhinne spéisiúla seo, rud a thugann an scríobhaí féin le fios sa cholafon seo,

Tabhair beannochd ré hanam an té scríobh an dánsa .i. Donnchadh Mhac á Chléiri, agus fós re hanam an fhir a chuir an leabharsa chugam as Droighidh Áth' .i. an tAthair Brían Mhac Éanraoidh, c[h]um an mead a bhí do sheansgríbhinn Ghaidheilg agam a núadhtharruing; agus fúair me saothar mor leis, oir do bhí se corr agus céad bliaghan ón am *ar* scríobhadh é go n-uige 'nuis .i. an t-ochdmha lá fíochatt do mhí October 1757, agus é sgríobhtha ré drochdhubhach 'réir mur aidbhis an t-údar féin. Aig so síos a bhriathradh .i. 'Giodh olc an litir sin thúas anois féin, ní dóigh leam go mairfí sí go búan, dubhuisge ata ann: páirt do g[h]áthughadh an b[h]acaigh gan gléus maith sgríbhneoracht' d'iarraidh, bórd no riaghail ní bhí leam *acht* drochpheann, sgríbhneoracht ar mo ghlún', 7c<sup>n</sup>.<sup>999</sup>

Ba ar chluinstin scéala báis an Ath. Brian Mhac Éanraoidh a scríobhadh sin, dar le Murray (1928: 252), a léirigh gur cailleadh an sagart ar an 15 Lúnasa 1757.

---

<sup>995</sup> Féach nótaí 977, 994 thuas.

<sup>996</sup> Bhí leagan Béarla dá ainm i gcolafoin Laidine (?) ar lgh 8, 20, 25, ach cuireadh ar ceal iad. Féach nóta 3324 thíos.

<sup>997</sup> Léigh Ó Buachalla (1962: 38) an colafon ar lch 17 go contráilte, sa dóigh gur cheap sé gurbh í an bhliain 1755 a bhí scríofa ann mar gheall ar dhealbh na huimhreach deiridh. Is é 1758 an léamh ceart anseo; fuair mé na dátaí seo a leanas sa lámhscríbhinn: an 28 Deireadh Fómhair 1757 (lch 8); an 21 Márta 1758 (lch 17); an 21 Bealtaine 1758 (lch 18); agus 'Lá Fhéil' Eoin ...1758', an 23 Meitheamh 1758 (lch 23). Féach an colafon thuas, mar a bhfuil an 28 Deireadh Fómhair 1757 mar dháta ag an scríobhaí.

<sup>998</sup> Gheofar cuntas ar bheatha Bhriain Mhic Éanraoidh nó Brian McHenry (c.1693-1757) in Murray (1928).

<sup>999</sup> LPBF 34 (b), lch 8. I gcló cheana in Morris (1927: 135), agus giota as in Murray (1928: 252).



Lámhscríbhinn thar a bheith uathúil í seo ó thaobh ábhair—cnuasach dánta cráifeacha nach bhfuil a bhformhór ar fáil i lámhscríbhinn ar bith eile, agus a shliocht ar chuid acu gur cumadh sa Tuaisceart iad. Ná ní heol dom go bhfuil saothair an té a cheap méid do-áirithe díobh, Brian Dorcha Mór Mhac Con Midhe, ar fáil i lámhscríbhinn eile de chuid an Tuaiscirt. Is doiligh i gcúpla áit na colafoin a ghráf an scríobhaí seo agus na cinn a bhí scríofa san eiseamláir a aithint óna chéile,<sup>1000</sup> tharla gur lean Donnchadh go docht—de réir na gceartúchán beag atá déanta aige ar a bhfuil scríofa aige—den bhunscríbhinn. Murab é gur cóip de cholafon de chuid na heiseamláire an ceann a (ath)scríobhadh an 23 Meitheamh 1758, is dóigh gurbh óna chuimhne féin a bhí Donnchadh ag scríobh cuid de na dánta.<sup>1001</sup> Ní féidir an ‘bacach’ a luaitear sa cholafon thuas a aithint, murab ionann é agus Brian Dorcha Mór Mhac Con Midhe,<sup>1002</sup> an té a scríobh cuid den fhilíocht, mar a deir Donnchadh (nó fear na heiseamláire) ag bun an dáin *Greim drochthéad an damhain alla*,

Tri rainn ó Mhac Coin Midhe .i. Brían Dorcha Mór, agus an rann deighneach on sgríbhneóir ghirrsgríobhach re ceile, 7 an méad atá as *ar ndiaidh san leab[h]arsa*, agus mórán dá bhfuil romham, 7c.<sup>1003</sup>

### 2.30. **Henrí Mac an tSaoir**,<sup>1004</sup> *fl.*1787-93

[Henry Wright]

**ARÉ 23D22 (33).** ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Cath Mhuighe Léana’, ‘Cath Mhuighe Mucroimhe’, ‘Fágail Craoibhe Chormaic’, ‘Eachtra an

<sup>1000</sup> Is féidir gur scríobh Donnchadh a bhformhór, ós rud é gur léirigh sé sa cholafon thuas claonadh chun colafoin fhada a scríobh.

<sup>1001</sup> An colafoin ar lch 23; féach an chóip di a thugtar i gCaib. 1.3, colafoin 81.

<sup>1002</sup> Sonraí in easnamh, ach tuigtear go bhfuil ceangal éigin, más fiú a lua, ag an sloinne seo le Co. Thír Eoghain agus na dúichí fá gcuard (Ó Maitiú 2013: 51); chaith an tAth. Mac Éanraoidh seal i gCúil Raithin c.1730, murarbh ann a rugadh é (Murray 1928: 250), cé gur dóigh le Murray gur féidir gurbh as Droichead Átha dó ó dhúchas.

<sup>1003</sup> LPBF 34 (b), lch 13.

<sup>1004</sup> Féach nóta 1006 thíos.

Ghiolla Dheacair’, dán le Cathal Mag Ruaidhrí, laoithe fiannaíochta. Baile Átha Cliath 1788-9.

**ARÉ F.v.3 (34).** Dánta le Tadhg mac Dáire [Mhic Bhruaideadha], Aonghus na nAor, Tadhg Dall Ó hUiginn, Conn Ó Néill, Séamus Mac Cuarta, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, Pádraig Mac a Liondain, Cathaoir Mac Cába, Seán Ó Neachtain, Séafraidh Ó Ruairc, Cathaoir Bacach Ó Raghallaigh, Naos Ballach Ó Dálaigh, Maghnus Ó Domhnaill, Séamus Burc, Tomás Mac Coistealbha, Diarmaid Ruadh Mac Muireadhaigh, Peadar Ó Maoil Chonaire, Aodh Ó Domhnaill, Iollann Ó Caiside, [‘Deilín na mBacach’], ‘Fís Mherlino’, ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh’, ‘Cath Chluana Tairbh’, ‘Agallamh Fhinn agus Ailbhe’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Tóraidheacht Shaidhbhe Inghean Eoghain Óig’, laoi fiannaíochta, búrdúin agus dánfhocail. Baile Átha Cliath 1787-8.

**ARÉ F.v.2 (35).** ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Eachtra Bhodaigh an Chóta Lachtna’, ‘Staid Nua na hÉireann, 1697’, dánta le Tomás Ó Cléirigh, [Peadar Ó Doirnín], ‘Agallamh na Seanórach’. Baile Átha Cliath 1788.

**ARÉ F.v.5 (36).** Dánta leis an Ath. Tomás Ó Cléirigh, Tomás Ó Bacacháin, [Eoghan Ó Donnghaile], Diarmaid Ruadh Ó Muireadhaigh, Séamus Mac Cuarta, Fear Dorcha Ó Mealláin, Brian Dubh Ó Raghallaigh, [Fear Dorcha Ó Dálaigh], Donnchadh Ó Dálaigh, Eoghan Mág Craith, Flann Mág Craith, ‘Suim Bhunadhasach an Teagaisc Chríosaíde’ le Bonabhentura Ó hEodhasa, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Fearas Dána’, tairngreachtaí, laoithe fiannaíochta, dánta cráifeacha, dánfhocal. Baile Átha Cliath 1787.

**ARÉ G.vi.1 (37).** Dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh, [Richard] Neilson, Cian Ó Mathghamhna, Seán Ó Neachtain, Toirdhealbhadh Óg Mac Donnchadha,

Tadhg Ó Neachtain, Pól Mac Aodhagáin, Cormac Dall Ó Coimín,  
Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Pádraig Mac a Liondain, Tadhg Ó Ruairc,  
laoi fiannaíochta, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, búrdún agus  
dánfhocail, dhá fhabhalscéal, ‘Feis Tighe Chonáin’, ‘Bás an Mhacaoimh  
Mhóir’, ‘Bruidhean Chéise Corainn’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Comhairle  
Chato’, ‘Comhairleacha ó Ughdaraibh Maithe’. Baile Átha Cliath 1787.

**ARÉ 23D16 (506).**<sup>†</sup> Blogh di.<sup>1005</sup> Dán le Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna.

**ARÉ I.v.1 (f) (745).**<sup>\*1006</sup> Blogh di. Liosta sloinnté.

**LB Eg. 131.** Dánta le [Peadar Ó Doirnín], Seán Clárach Mac Domhnaill,  
Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Fiachra Mhac Bhrádaigh, [Séamus Mac  
Cuarta], Cathal Mag Ruaidhrí, [Aodh Mac Gabhráin], ‘Bruidhean Bheag na  
hAlmhaine’, giota de *Cín Lae Uí Mhealláin*. 1790-3.<sup>1007</sup>

**LB Eg. 151.**<sup>\*</sup> Blogh di. Annála.

**LN G1009.**<sup>1008</sup> ‘Oidhe Chloinne Lir’, conradh, laoithe fiannaíochta, dánta le  
Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Tomás a Róiste, Uilliam Ó Lionáin, Pádraig  
Ó Flannagáin. 1788-9.

---

<sup>1005</sup> ARÉ 23D16 (506), lgh 85-6. Ba le Muiris Ó Gormáin cuid mhaith de na bloghanna sa lámhscríbhinn sin.

<sup>1006</sup> Mar a thug Pádraig Ó Macháin faoi deara ina chuntas siúd ar SLVM MS RARES 091 C76 atá ar coimeád san State Library of Victoria, Melbourne, cuntas a scríobhadh mar chuid de thionscnamh Irish Script on Screen. Tá nótaí breise ar f. 11v ina lámh. Is fiú a lua go bhfuil an lámhscríbhinn seo, agus SLVM MS 10357 sa chnuasach céanna, a scríobhadh sna blianta 1822 agus 1823 faoi seach, i lámh atá thar a bheith cosúil le peannaireacht Henrí Mhic an tSaoir; agus, mar a thug Ó Macháin faoi deara fosta, go bhfuil cuid mhaith den ábhar céanna sa leabhar seo agus atá i lámhscríbhinní eile de chuid Henrí (LN G1009 (b) i gcás MS 10357 ach go háirithe). Shíl Ó Macháin, áfach, nach féidir an dá lámhscríbhinn a leagan ar Henrí, agus údar maith aige, is dóigh, óir tá peannaireacht na dara lámhscríbhinne, a grafadh in 1823, níos cosúla le gnáthstíl Henrí ná an chéad cheann, ionann is go raibh an scríbhneoir anaithnid ag déanamh aithris ar lámh Henrí.

Chuir Henrí trí amhrán le LN G482, ach ós amhráin Bhéarla iad, ní chuirim san áireamh iad.

<sup>1007</sup> Cé go dtugtar an dáta 1790 amháin sa *B.M. Cat.*, ii, 150, gheofar 1793 fosta ar f. 32.

<sup>1008</sup> Féach an lámhliosta *Gaelic Manuscripts in the NLI*, liosta gan dáta ná ainm údair a bhfuil cóip di ar fáil sa Seomra Léitheoireachta—tabharfar *Gaelic MSS. N.L.I.* (na leathanaigh gan áireamh) air feasta,

‘Oidhe Chloinne Lir; poems by Carolan Uilliam Ó Lionáin; some other matter. Scribe: (in part?) Henrí McAntsaoir (and in part Muiris Ó Gormáin/) 1789. (Bound with a printed work:

Is beag eolas atá againn ina thaobh. Cléireach bainc a bhí ann, is dóigh, agus ní fios cá raibh cónaí air go díreach, ach go raibh sé lonnaithe san ardchathair idir 1787 agus c.1794.<sup>1009</sup> Bheifí ag súil leis go mbeadh teastas baiste ar fáil dó ós rud é go dtéann taifid na bparóistí i gcathair Bhaile Átha Cliath chomh fada siar leis na 1740í de ghnáth. Luann Mac Cathmhaoil (2013: 75 n.51) fosta go bhféadfadh sé go dtugadh an scríobhaí seo ‘Henry McIntire’ air féin sa Bhéarla, ó tharla go bhfuil an síniú sin le fáil ar lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin,<sup>1010</sup> agus baisteadh ‘Henricus M<sup>cc</sup>Enteer’ éigin in Eaglais San Aindriasa sa bhliain 1765.<sup>1011</sup> Is fíor nach dtugann sé leagan Béarla dá ainm dúinn in aon cheann de na lámhscríbhinní a ghráf sé féin ach baintear úsáid as an leagan Henry Wright gach áit eile a ndéantar tagairt dó, mar a tchífead sna sleachta thíos.<sup>1012</sup> Tagraítear do ‘Mr. Wright, an Irish scholar’ i liosta Pheadair Uí Chonaill.<sup>1013</sup> Ní féidir liom a chruthú gur rugadh é i mBaile Átha Cliath ar chor ar bith.

Creidtear gur fhoghlaim Henrí Mac an tSaoir scríobh [? agus labhairt] na Gaeilge ó Muiris Ó Gormáin, agus bhí an bheirt acu nasctha go dlúth lena chéile nó go bhfuair Muiris bás. Thosaigh Henrí a ghráfadh lámhscríbhinní sa bhliain 1787, go bhfios dúinn, thart faoin am ar éirigh Muiris Ó Gormáin as an gceird, nó ar cailleadh

---

Suinathghar an teagasg criosduighe...Dublin, printed by J. Boyce...1784), *Gaelic MSS. N.L.I.*

Diomaite dá bhfuil ráite ag fear na gearrchatalóige seo, níor scríobh Muiris Ó Gormáin oiread agus siolla amháin den lámhscríbhinn seo, de réir na peannaireachta. *Suim Athghar an Teagasg Criosduighe* (1784) an litriú ceart.

<sup>1009</sup> Gheofar an tagairt seo, agus tuilleadh eolais ar an gcaoi a bhfuair Edward O’Reilly seilbh ar lámhscríbhinní Muiris Uí Ghormáin in de Brún (1972: xiii-xiv).

<sup>1010</sup> LN G458, lch 1.

<sup>1011</sup> Tugann an iontráil i g*Clár Baistí & Póstaí San Aindriasa, Rae an Iarthair*, 1751-73, an t-eolas seo a leanas dúinn:

‘29 [Eanáir 1765]. J: N: Henricus M<sup>cc</sup>Enteer. Joannis & Annae [M<sup>cc</sup>Enteer]. S.S. Gulielmus Hart & Thomasina Neile’.

<sup>1012</sup> Mura gcuireann muid san áireamh an nóta a scríobh Séamus Ó hArdagáin (LB Eg. 129, f. 1v) ina dtugann sé ‘Mac Entaggart’ air, ach is riléir gur botún é sin, agus is féidir nach raibh Henrí Mac an tSaoir ar intinn aige ar chor ar bith. Pléifead sin ar ball.

<sup>1013</sup> MN C112, f. 4v. Gan dáta, ach baineann sé leis an tréimhse idir c.1790 agus c.1794. Féach Aguisín 16.

é. Is iad na lámhscríbhinní is tábhachtaí atá againn uaidh—mar gheall ar a dtoirt, ar an réimse leathan ábhar atá iontu, agus ar an gceangal a léiríonn siad idir Henrí Mac an tSaoir agus Muiris Ó Gormáin—an dá chnuasach thábhachtacha a scríobhadh idir na blianta 1787 agus 1788, *Tiomsughadh do Starthaibh, do Laoídheadh, 7 do Cheólta* (627 leathanach) agus *Bolg an tSolair a nDán agus a bPrós* (604 leathanach). Léiríonn na ceithre imleabhar seo go maith an dúthracht a chaith Henrí lena scríobh agus is spéisiúil gur chuir sé tulmhaisithe leo.<sup>1014</sup> Chuir sé trí amhrán Béarla le lámhscríbhinn de chuid Mhuiris Uí Ghormáin sa bhliain 1788 a bhí ‘quite the Ton’ le muintir na hardchathrach.<sup>1015</sup> Toisc go bhfuair Henrí greim ar chuid mhaith de chnuasach Mhuiris tar éis a bháis, is doiligh a rá le cinnteacht gur ghráf Muiris lámhscríbhinní go speisialta dó, ná goidé an caidreamh a bhí eatarthu. Is féidir gur dhíol Muiris roinnt leabhar leis, ar ndóigh, ó am go chéile nuair a bhí an t-airgead ag éirí gann air; tá ainm Henrí le fáil i gcuid mhaith seanlámhscríbhinní a grafadh i lár na 18ú hAoise nó roimhe sin, agus dátaí idir 1788 agus 1791 le cuid mhaith dá nótaí sealbhóra.<sup>1016</sup> Ba le Muiris lá den saol cuid acu, agus tá tuairimithe ag cúpla scoláire gur dhearmad ar Henrí Mac an tSaoir an ‘Mac Entaggart’ a luann Séamus Ó hArdagáin sa nóta ar bhás Mhuiris Uí Ghormáin, rud a chuir sé le LB Eg. 129. Is leor an nóta a thabhairt; déanfar plé air sa chuntas ar Mhuiris Ó Gormáin,

<sup>1014</sup> Gheofar samplaí díobh agus dá chuid peannaireachta in Ó Buachalla (2009: 140, fig. 14.3; 142, fig. 14.4; 143, fig. 14.5; 147, fig. 14.7), agus in Piatt (1957).

<sup>1015</sup> LN G482. Níor aithníodh peannaireacht na coda seo sa chatalóg, ach is follas gurbh é Henrí Mac an tSaoir a scríobh na hamhráin seo, as siocair go bhfuil cúpla abairt Ghaeilge scaipthe tríothu, agus iad i bpeannaireacht mhaith Henrí. Ní chuirtear an lámhscríbhinn san áireamh sa chatalóg lámhscríbhinní a thugtar thuas, áfach, ó tharla nach bhfuil téacsanna leanúnacha Gaeilge inti ina láimh. Is iad seo na bailéid atá in LN G482: ‘De Nite Afore Larry was Stretched. A Newgate Song’, *De night afore Larry was stretch’d*, lch 81; ‘Larry’s Gost which appeared to his sweetheart Molly de nite after his ececution’, *When Molly she heard de sad story*, lch 87; agus ‘Luke Caffrey’s Kilmainham Minit’, *When to see Luke’s last gig we agreed*, lch 90.

<sup>1016</sup> Tugaim na lámhscríbhinní de réir na ndátaí ar ar shínigh Henrí iad, **gan dáta**: LB Eg. 147; **1788**: ARÉ 24P26 (474), [LN G482]; **1789**: LN G127; **1790**: ARÉ 23A39 (366), ARÉ 23D1 (501), LN G33, LN G34, LN G62; **1791**: LB Eg. 180.

I had this book, with others in his handwriting [= *i láimh Mhuiris Uí Ghormáin*], from one Mac Entaggart, to whom O’Gorman left them at his death. The apathy and carelessness of the Irish people towards their national language and antiquities are strikingly evinced in the fate of poor O’Gorman. After a long life devoted to the transcription and consequent preservation of numerous volumes of ancient poetry, tales, annals, etc. etc. of Ireland, he died in the greatest poverty in a ground-cellar in Mary’s Lane, Dublin, about 1794: where he was a long time supported by the charity of Mac Entaggart, who was himself a poor man. Note:—Maurice O’Gorman taught Vallancey Irish, and transcribed out of this book some of the poems for Miss Brooke ..., which she published.<sup>1017</sup>

Ón mbliain 1788 amach, tchíonn muid athrú mór sa chineál ábhair a bhí á chóipeáil ag Henrí. Áit ar tharraing an *Tiomsughadh agus Bolg an tSoláir*, a grafadh idir na blianta 1787 agus 1788, ar chnuasaigh Mhuiris Uí Ghormáin go hiomlán nó geall leis, tá meascán ábhair le sonrú in LN G1009, cnuasach de dhánta a scríobhadh sa bhliain 1789; agus in LB Eg. 131, ar Bolg an tSoláthair eile í, ach go bhfuil cuid mhaith ábhair ó lámhscríbhinní Muimhneacha istigh leis na dánta Ultacha an uair sin. Tosaíodh ar an lámhscríbhinn sin a ghráfadh sa bhliain 1790, agus scríobhadh an píosa deiridh atá inti sa bhliain 1793, cóip de *Cín Lae Uí Mhealláin* a stadann ar an 27 Iúil 1642. Ní heol dom gur ghráf Henrí rud ar bith eile ina dhiaidh sin, agus, más ceart don chuntas a d’fhág leabhar staire Warburton, Whitelaw & Walsh, *History of the City of Dublin* (1818), againn, chuaigh sé thar sáile sa bhliain 1794,

In the year 1794, a young man of the name of Wright, who was about to emigrate from his native country, had a number of books to dispose of, which chiefly consisted of Irish MSS. They had been collected by the industry of a man of the name of O’Gorman, who was clerk to Mary’s-lane Chapel, and the person from whom Dr. Young, Bishop of Clonfert, and General Valancey [*sic*], had learned Irish. This man’s library, which filled five large sacks, Mr. O’Reilly purchased from Wright...<sup>1018</sup>

<sup>1017</sup> LB Eg. 129, f. 1b. I gcló sa *B.M. Cat.*, i, 597-8, áit a bhfuarthas an chóip seo.

<sup>1018</sup> I gcló in Warburton, Whitelaw & Walsh (1818: 934 *n.*).

Thuigfí ó nóta eile i gcatalóg lámhscríofa a chuir an ‘Mr. O’Reilly’ seo, Edward O’Reilly (1765-1830), le chéile sa bhliain 1825 go bhfuil an cuntas thuas beacht, ach amháin nach dtugtar dáta ann.<sup>1019</sup> Chreid sé gur fhoghlaim Henrí Mac an tSaoir [? scríobh na] Gaeilge ó Mhuiris, agus tacaíonn pointe amháin leis sin: is eol dúinn go raibh liostaí foclóra a scríobh Muiris agus é ina sheanfhear i gcnuasach Henrí uair.<sup>1020</sup> Is éard atá iontu, focail choitianta arna n-eagrú faoi théamaí difriúla, agus liosta de shloinnte lena chuir Henrí cúpla ainm eile. Dhealródh sé go raibh Henrí ag baint úsáid astu, agus ba bheag an gar iad don té a raibh Gaeilge ón gcliabhán aige. Más fíor sin, is féidir nár cheart Henrí a áireamh mar scríobhaí de chuid an Tuaiscirt, de réir na gcoinníollacha a leag mé amach thuas. Deir Séamus Ó hArdagáin go bhfuair Muiris Ó Gormáin bás thart faoin mbliain 1794—eolas tánaisteach, gan amhras, agus áitíonn sé gur fhág Muiris a chnuasach leabhar ag ——— Mac Entaggart éigin. B’fhéidir nach ábhar iontais gur thuairimigh cúpla duine gurbh é Henrí Mac an tSaoir a bhí i gceist aige, ach ní dóigh liom é.<sup>1021</sup> Tugann nóta eile a scríobh an Chevalier O’Gorman (1732-1809), duine de phátrúin Mhuiris, le fios gur chléireach bainc é Henrí, agus nach bhfuair sé an cnuasach lámhscríbhinní uilig a bhí ag Muiris ar uair a bháis,

Gorman’s Manuscripts are principally in the hands of Mr. Wright a Clerk in the National Bank, one Tankard a Publican in Pill Lane etc. and some of them are said to be for sale at Dornin’s a Bookseller’s in Grafton Street.<sup>1022</sup>

Ní féidir liom a rá, go neamhspleách ar nótaí Warburton, Whitelaw & Walsh (1818: 934*n.*), go ndeachaigh sé thar sáile sa bhliain 1794. Ar ghiota beag páipéir atá istigh le LN G1009, tá an méid seo scríofa, ‘1798 May 23 Naas / 1799 Feb<sup>y</sup>—to Eng<sup>d</sup> /

<sup>1019</sup> Féach Aguisín 16, sliocht III. Deir O’Reilly gur ‘young gentleman’ é Henrí.

<sup>1020</sup> ARE I.v.1 (*f*) (745).

<sup>1021</sup> Tugtar beagán eolais faoi seo in Aguisín 16.

<sup>1022</sup> LB Add. 20717, f. 36b. Tá cóipeanna den nóta seo sa *B.M. Cat.*, ii, 377*n.*; iii, 27*n.*

1802 July—N. York / 1803 Aug<sup>t</sup>—Cadiz / 1805 July 23 Fer[...]. Níl a fhios agam cé a scríobh sin.

**2.31. Seán Mac an tSaoir, c.1729-86**

[John Carpenter]

**ARÉ 23A8 (354).** Urnaithe, liodáin, sailm, logha, teagasc Críostaí, dánta diaga, ‘Uacht nó Toil Déanach an Anma’. 1746.<sup>1023</sup>

**ARÉ B.i.1a(9) (1078).**<sup>†</sup> Dán le Muiris Ó Gormáin. [? c.1771].

**LN G82.** Cuid di. ‘Comhradh an Duine agus an Bháis’, ‘Agallamh an Anma agus an Choirp’, ‘Fís Mherlino’, dánta cráifeacha, ‘Bás an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Bruidhean Chéise Corainn’, dánta le Séafraidh Ó Donnchadha, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Uilliam Óg Ó Dubhshláine, Séamus Mac Cuarta, Toirdhealbhach Óg Mac Donnchadha, Antoine Ó Cuilleáin, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Cathaoir Mac Cába, Tadhg Ruadh Ó Conchubhair, Aodhagán Ó Rathaille, Seán Ó Neachtain, Tadhg Ó Duinnín, ‘Tuarasgbháil Chatha Gabhra’, ‘Tuireamh na hÉireann’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Dhá Aoine Dhéag Órdha’, ‘Eachtra Bhodaigh an Chóta Lachtna’, ‘Laoidh na mBuadh’. Sr. na nGabhann, Baile Átha Cliath 174<sup>4</sup>/<sub>5</sub>-5.

**LN G286.** Cóip de *The Elements of the Irish Language*, dán le Muiris Ó Gormáin. 1744, [? 1771].

Ba thart faoin mbliain 1729 a saolaíodh Seán Mac an tSaoir i Lána na Seansaireachta i mBaile Átha Cliath. Más fíor don seanchas, ba cheannaí é a athair.<sup>1024</sup> Scríobhadh

---

<sup>1023</sup> Chuir sé ábhar breise leis an lámhscríbhinn seo blianta fada i ndiaidh a scríofa, agus luann Hawkes (1955: 185) go bhfuil cosúlachtaí láidre idir cuid den ábhar breise seo agus na cuntais a thugtar ar na sailm, srl., sa Teagasc Críostaí a réitigh Charles O’Conor dó sa bhliain 1776. Bheadh a thuilleadh staidéir ag teastáil nó go mbeifí in ann sin a chinntiú, áfach.

<sup>1024</sup> Tugtar tuilleadh eolais agus tagairtí in Mac Giolla Phádraig (1976: 2).



cúpla beathaisnéis ar an scríobhaí seo, agus cé go ndíríonn an chuid is mó acu ar an tréimhse a chaith sé ina Ard-Easpag ar Bhaile Átha Cliath (1770-1786), tá cuntais ar an mbaint a bhí aige leis an nGaeilge in Piatt (1957) agus in Mac Giolla Phádraig (1976). Déantar plé gearr maith air in *Beath. 1782-1881*, 26 col. a – 27 col. b. Is orthu seo a bunaíodh páirt mhór dá bhfuil thíos.

Bhí lámh mhaith thréan agus bua an litrithe ag Seán Mac an tSaoir, cé nach fíor an méid a dúirt Piatt (1957: 67) ina thaobh go raibh a chuid scríbhinní saor ó chanúnachas: tá, dhealródh sé, cuid mhaith foirmeacha teanga iontu a shamhlófaí leis an Tuaisceart agus ba i litríocht lámhscríbhinní an cheantair sin ba mhó a chuireadh sé spéis. Féach, mar shampla, an tráchtas gairid a phriontáil Ó Cuív (1954a: 255-60) as ARÉ 23A8 (354), atá lán le litrithe neamhchlasaiceacha. Cóip í LN G286 de ghraiméar Aodha Mhic Cruitín, *The Elements of the Irish Language* (1728), an lámhscríbhinn is luaithe dá chuid atá againn, agus bhreac Seán í sa bhliain 1744 nuair a bhí sé thart ar 15 bliana d’aois. Ghraf sé lámhscríbhinn eile, LN G82, i Sr. na nGabhann i mBaile Átha Cliath le linn na bliana 1745. Ba idir mí na Feabhra 174<sup>4</sup>/<sub>5</sub> agus mí na Samhna 1745 a rinneadh an chuid is mó den scríobh, a bhfuil sliocht an tosaitheora air, agus is ábhar spéise go bhfuil cóipeanna luatha de dhánta le Séamus Mac Cuarta inti. Thaispeáin Nessa Ní Shéaghdha gur bhain Seán leas as ARÉ 23M23 (340), a scríobh Aodh Ó Maoil Mhuaidh i gCo. Ros Comáin in 1718, agus LB Eg. 133, lena scríobh.<sup>1025</sup> Ní gnách, ar ndóigh, go mbíonn eolas againn ar na heiseamláirí a chéadaíodh na scríobhaithe agus iad i mbun pinn; agus baineadh cuid mhaith d’ábhar na tríú lámhscríbhinne atá againn uaidh, ARÉ 23A8 (354), a

---

<sup>1025</sup> *N.L.I. Cat.*, iii, 21-2; shínigh sé na lámhscríbhinní seo a leanas fosta: ARÉ 23M23 (340), C Add. 4205 (15), CT H.5.13 (1385), LB Eg. 133, agus LB Eg. 181.

scríobhadh sa bhliain 1746, as CT H.5.13 (1385), *B.M. Cat.*, ii, 33, lámhscríbhinn a grafadh sa Díseart i gCo. na hIarmhí.<sup>1026</sup>

Ceist dhofhuascailte í an chaoi a bhfuair sé a chuid oideachais ach is dóigh gur fhreastail sé ar scoil éigin i mBaile Átha Cliath ina raibh an Ghaeilge á teagasc le linn a óige. Thuairimigh Mac Giolla Phádraig (1976: 5-8) go bhféadfadh sé gur chaith sé tréimhse i scoil Thaidhg Uí Neachtain i bparóiste San Caitriona i lár na cathrach, agus gur fhoghlaim sé léamh agus scríobh na Gaeilge ann. Mhíneodh sé sin go sásúil an cumas scríbhneoireachta a bhí aige sa teanga.<sup>1027</sup> D'fhéadfadh sé go raibh aithne aige ar Aodh Ó Dálaigh,<sup>1028</sup> agus is spéisiúil go raibh sé ina shagart i Lána Mhuire tráth, áit a raibh Muiris Ó Gormáin (*q.v.*) ina chléireach. Ba i Liospóin a fuair sé léann sagairt, de réir riachtanais na tréimhse sin.

Ceapadh ina Ard-Easpag é an 3 Meitheamh 1770, ní a thaifead sé go mórchúiseach ar phlátaí tulmhaisithe a chuir sé le beagnach gach leabhar Gaeilge a bhí ina chnuasach.<sup>1029</sup> Choinnigh sé a spéis sa Ghaeilge le linn a bheatha, agus is féidir sampla amháin a lua le tacú leis sin—cóip d'fhoclóir Gaeilge a bhronn sé tar éis 1770 ar shagart eile ina Dheoise féin, an tAth. Mícheál Ó Díoghuidhe, mar a

---

<sup>1026</sup> Féach an cuntas ar Shéamus Ó Gabhagáin i gCaib. 2.169 thíos.

<sup>1027</sup> Mar chruthú air seo, thuairimigh Mac Giolla Phádraig gur baineadh an eochair oghaim atá i gcúl LN G286 as *Leabhar Bhaile an Mhóta* féin, leabhar a bhíodh i seilbh Thaidhg Uí Neachtain, ach thaispeáin Nessa Ní Shéaghda, *N.L.I. Cat.*, vii, 6-7, go raibh dul amú air sa mhéid sin.

<sup>1028</sup> Tá cóip de leathanach teidil LN G82 i lámh Aodha Uí Dhálaigh ar cheann de na fordhuilleoga i dtosach na lámhscríbhinne, *N.L.I. Cat.*, iii, 21. Measaim féin gur éirigh Aodh as breacadh na lámhscríbhinní a bheag nó a mhór timpeall na bliana 1761 agus gur mhair sé go dtí an bhliain 1772 ar a laghad (féach nóta 60 thuas). Bhí an lámhscríbhinn i seilbh an Ard-Easpaig am éigin tar éis na bliana 1770 toisc gur chuir sé nóta léi, mar ba ghnách leis, gur ceapadh ina Ard-Easpag é an 3 Meitheamh 1770. Dhealródh sé gur thug sé tamall den leabhar d' Aodh.

<sup>1029</sup> Féach an tultmhaisiú ó chóip den *Prospect of the State of Ireland*, a bhfuil athchló air in Leslie (1934: 142): 'Do leabhraibh Seáin Mhic an tSháoir, Comharba Lorcaín Uí Thuathail, cedna Ard Easbog Atha Cláth, et Priomhaidh Eirin: ro coisrigadh don tShúidhe sin Domhnach Cincighesi, an treas lá do Iún. 1770'. Tá siad uilig ar aon dul lena chéile, agus dhealródh sé gur chuir sé iad le cuid de na leabhair chlóite a bhí ina chnuasach fosta, mar a chonaic muid i gcás an leabhair chlóite thuas—féach an chóip d'fhoclóir Uí Bhriain i Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, ar ar scríobh Ó Fiannachta (1990) cuntas gairid. Tugtar cóip den inscríbhinn a chuir Seán leis i nóta 1030 thíos. Tá liosta de lámhscríbhinní eile ar chuir sé a ainm leo tugtha agam i nóta 1025 thuas.

thugann sé air.<sup>1030</sup> Bhí páirt spéisiúil agus ghníomhach aige i gcúrsaí a linne féin, ach níor réabhlóidí é—má ba dhaingean an seasamh a ghlac sé in éadan na bPéindlíthe, bhíodh sé cúramach agus faiteach is é ag iarraidh cás an phobail Chaitlicigh a chur chun tosaigh. B'fhéidir gur mhó d'athruithe beaga a rinneadh le linn a thréimhse mar Ard-Easpag: tugadh aire do chúrsaí riaracháin sa dóigh gurbh é an chéad easpag a d'fhág againn taifid mhaithe deoise. D'iarr sé ar Chathal Ó Conchubhair (1710-1791), scoláire Gaeilge lena mbíodh comhfhreagras ar siúl aige, agus a raibh aithne ag a mhuintir seisean air, an *Ordo Administrandi Sacramenta* (1776)—an chuid den saothar inar pléadh mórphointí creidimh agus an Aifrinn—a aistriú go Gaeilge ar a shon (Hawkes 1955; Mac Giolla Phádraig 1976: 14) sa bhliain 1776; agus léadh sé an tAifreann trí Ghaeilge. Más fíor gur beag ábhar Gaeilge atá againn óna láimh i ndiaidh dó dul le sagartacht, tá breacadaíl sa teanga sin ar imill a chuid páipéar atá ar coimeád anois in Iarsmalann Dheoise Átha Cliath (Mac Giolla Phádraig 1976: 2). Is iad na píosaí Gaeilge is substaintiúla a tháinig slán ón dara tréimhse seo ina shaol an dá chóip de *Ó taoi gach ardfhlaith i gcéin*,<sup>1031</sup> dán de chuid Mhuiris Uí Ghormáin. Tá an dán sin in eagar in Mac Cathmhaoil (2013: 134-7), áit a bhfuil staidéar déanta ar an gcomhthéacs polaitiúil inar ceapadh í,<sup>1032</sup> is é sin, tuairim na bliana 1771 d'Fhear Ionaid an Rí, Seorsa Mhac Cartna. Ó tharla nach eol dúinn ach cúig chóip

---

<sup>1030</sup> Seo an inscríbhinn a chuir Seán leis an bhfoclóir, atá ar coimeád i Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad, agus a bhfuil pláta di in Ó Fiannachta (1990: 141), áit a dtugtar nóta gairid ar an bhfoclóir: '... Don sagart Míchil Ó Díoghuidhe an focaloir so o láimh Sheain Mhic an tSháoir, Ardeaspog Atha Clíath, Duibhlinne, agus Príomhaidh Eireann: agus do coisreagadh don tShuidhe Domhnach Cincíghise an *treas* lá do Iún. MDCCLXX'. Bhí an foclóir céanna i gcnuasach an Oll. Pól Ó Briain (*q.v.*) sa bhliain 1807. An tAth. Mícheál 'Ó Díoghuidhe' atá i gceist anseo, tá sé le ceangal leis an Ath. Michael Devoy (*ob.* 1809), S.P. an Bhaile Mhóir [.i. Baile Mór na nLústasach, Ballymore Eustace], Co. Chill Dara, 1784-1809; féach nótaí Hawkes (1958: 121-2) air, agus ar an spéis a chuir sé sa Ghaeilge.

<sup>1031</sup> Gabhann an teideal 'Ó Conchabhar cc. MDCCLXXX [sic]' leis an gcóip de *Ó taoi gach ardfhlaith i gcéin* a scríobh sé ar f. 66v sa lámhscríbhinn LN G286. Is dócha gur chóir 1771 a léamh anseo.

<sup>1032</sup> Déanfar plé beag ar ábhar an dáin agus ar phíosaí cumadóireachta eile den sórt sin ó láimh Mhuiris Uí Ghormáin sa chuntas beathaisnéise air thíos.

den dán a bheith ar fáil: ceann amháin i lámh Mhuiris é féin;<sup>1033</sup> ceann eile i lámh Pheadair Uí Chonaill;<sup>1034</sup> cóip i lámh Chathail Uí Chonchubhair,<sup>1035</sup> pátrún Mhuiris; agus an dá cheann eile i lámh an Ard-Easpag é féin<sup>1036</sup>—ceann acu dar dáta 1771, is dóigh go raibh baint nár bheag aige lena sheachadadh.<sup>1037</sup> Mar gheall ar an mbaint a bhí aige le Muiris Ó Gormáin, tuairimíonn Wall (1955: 182) go raibh páirt éigin aige le Henrí Mac an tSaoir (*q.v.*), ach níl dóigh agam ar a léiriú. Pointe amháin ina éadan sin is ea go dtugadh Henrí Mac an tSaoir, an scríobhaí, Henry Wright air féin sa Bhéarla.

D'éag an tArd-Easpag Seán Mac an tSaoir an 29 Deireadh Fómhair 1786 agus adhlacadh é i Reilig San Michin (Piatt 1957: 58-60). D'fhág sé léas agus airnéis a tháinig le huacht ag 'kinswoman' dá chuid, Catharine Troy, 'excepting my book (sic) and the book-cases of my study, which books and book-cases I will and desire to be disposed of as my Executors will think proper' (Corrigan 1915: 77). Cuireadh ar ceant iad an bhliain dár gcionn.<sup>1038</sup>

---

<sup>1033</sup> Tá ceithre chóip liostaithe cheana féin ag Mac Cathmhaoil (2013: 208-9). Ghraf Muiris féin ARÉ 23N5 (632) am éigin tar éis na bliana 1777, mar a léirigh Mac Cathmhaoil (2013: 208).

<sup>1034</sup> In MN C113.

<sup>1035</sup> ARÉ 23D16 (506).

<sup>1036</sup> ARÉ B.i.1a(9) (1078); LN G286.

<sup>1037</sup> Ba é Charles Vallancey a thug an dán do Sheorsa Mhac Cartna am éigin roimh an 14 Nollaig 1771. Féach: (1) an litir dar dáta sin a chuir sé chuig Cathal Ó Conchubhair, rud atá i gcló sa chuntas ar Mhuiris Ó Gormáin i gCaib. 2.172, agus in Mac Cathmhaoil (2013: 213-14); agus (2) an nóta a chuir Cathal chuig Seán Mac an tSaoir ina thaobh—féach an cuntas a thugtar ar Mhuiris Ó Gormáin i gCaib. 2.172, faoin mbliain 1772. Ós rud é go bhfuil ceann de na cóipeanna a scríobh Seán istigh le páipéir Chathail Uí Chonchubhair, agus gur dóigh gur cóip phearsanta an ceann eile atá in LN G286—tá leabharshuaitheantas Sheáin leis an lámhscríbhinn sin—is féidir gurbh é Seán an chéad duine a roinn an dán le Cathal Ó Conchubhair, ach bheadh níos mó eolais ag teastáil lena chinntiú. Ní amháin a chuireann go tréan ina aghaidh sin is ea go ndeir Seán sa chóip atá in LN G286 gur chum 'Ó Conchubhar' an téacs [? Cathal Ó Conchubhair]. Bhí sé ar an eolas faoi mhí Eanáir 1772, ar a dhéanaí, gur chum Muiris an dán, mar gheall ar an nóta a chuir Cathal chuige.

<sup>1038</sup> Féach an nóta sa *Freeman's Journal*, 14 Iúil 1787; déantar tagairt dó in de Brún & Herbert (1986: xx col. a n.87), agus in *Beath. 1782-1881*, 27 col. b. Díoladh níos mó ná 4000 leabhar, ach ní fios dúinn cá mhéad acu a bhí ina lámhscríbhinní Gaeilge.

### 2.32. Proinsias Mhac an Ultaigh, fl.1759-74

[Francis Nolty]

**ARÉ 23I23 (410).** Blogh di. Dánta le hEoghan Ó Dubhthaigh, [Eoghan Ó Donnghaile]. 1759. Do *Bháitear Ó hEisleanáin*.<sup>1039</sup>

**ARÉ 12E25 (908).** Blogh di. ‘Ceasacht Inghine Guile’. 1774.

**ARÉ 24P30(2) (933).**<sup>1040</sup> Cuid di. Trácht ar an bhFaoistin.

Bhí dlúthcheangal idir an scríobhaí seo agus Séamus Mac an Ultaigh,<sup>1041</sup> mar aon le Bháitear Ó hEisleanáin (*qq.v.*) ó Churrach Átha, Circiostún,<sup>1042</sup> Co. na Mí. Más ceart an t-eolas a thugtar i dtaobh Shéamuis Mhic an Ultaigh thíos, is dóigh gurbh as oirthear Cho. na Mí dó, agus do Phroinsias fosta. Dhealródh sé go raibh páirt acu lena chéile.

### 2.33. Séamus Mac an Ultaigh, fl.1753-82

[James Nolty]

**ARÉ 23D39 (518).** Cuid di.<sup>1043</sup> ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’ (gan teideal), dánta le Tomás Ó Bacacháin agus Seán Ó Neachtain. 1753.

**ARÉ 12E25 (908).** Formhór di. Búrdúin agus dánfhocail, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Fís Mherlínó’, dánta le Séamus Mac Cuarta, Cathal Mag Ruaidhrí, Séathrún Céitinn, filíocht chráifeach, laoithe fiannaíochta, ‘Aois na nAithreacha ó Ádhamh go Naoi’. [? Baile an Phrútaigh, An Scrín, An Mhí] 1772.<sup>1044</sup>

---

<sup>1039</sup> Scríobhaí a bhí ann; féach an cuntas air i gCaib. 2.180 thíos.

<sup>1040</sup> Is dóigh liom gur ‘colafon’ seachas nóta sealbhóra an siniú ‘Francis Nolty’ ar lch 378. Réitíonn cuid den pheannaireacht sa lámhscríbhinn seo leis na codanna de na lámhscríbhinní ARÉ 23I23 (410) agus ARÉ 12E25 (908) a scríobh sé.

<sup>1041</sup> Is deacair peannaireacht na beirte a aithint óna chéile amanna. Féach ARÉ 24P30(2) (933), mar shampla.

<sup>1042</sup> Féach nóta 3102 i dtaobh an logainm seo. Tugtar ‘Crickstown’ air anois. Paróiste i gCo. na Mí atá ann.

<sup>1043</sup> Is cnuasach de bhloghanna ilghnéitheacha í an lámhscríbhinn seo.

<sup>1044</sup> Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 2633, gur ghráf Séamus Mac an Ultaigh a chuid féin de ARÉ 12E25 (908) sa bhliain 1772; agus go raibh Proinsias Mhac an Ultaigh ag obair ar a chuid di sa bhliain 1774. Leagtar lgh 117-27 ar Phroinsias agus an chuid eile, lgh 1-116, 128-30, ar Shéamus. Tá, is fiú a lua,

**ARÉ 24P30(2) (933).**<sup>†</sup> Formhór di. Trácht ar an bhFaoistin.

**LN G411.**<sup>†1045</sup> Blogh di. ‘Beatha Chríost’ (an dán; cuid di).

Tá dréacht litreach a scríobhadh ar son ‘Patt Blake’ éigin ó Bhaile an Phrútaigh, Co. na Mí, sa bhliain 1772 istigh leis an lámhscríbhinn ARÉ 12E25 (908), agus is ar an mbonn sin a scríobh Ó Mórdha (1961: 180): ‘De réir mar is féidir a dhéanamh amach ... ba i gceantar na Scríne i gCondae na Mí a cuireadh an ls. seo le chéile, nó, ar scór ar bith, ba le duine ó’n cheantar sin í tráth dá raibh’. De réir na peannaireachta, is dearbh gur scríobh Séamus an litir seo agus is dóigh gur féidir, ar an ábhar sin, eisean a cheangal le Baile an Phrútaigh, nó leis an dúiche thart air. De bhreis ar an litir, tá leideanna eile againn gur Mhíoch é Séamus. Luaigh muid thuas sna nótaí ar Phroinsias Mhac an Ultaigh gur chuidigh sé le Bháitear Ó hEisleanáin ARÉ 23I23 (410) a scríobh sa bhliain 1759, agus tá an chosúlacht air go mbíodh Bháitear agus muintir Mhic an Ultaigh ag obair as lámha a chéile. Le linn d’Ó Gallchóir (1971: 86) a bheith ag gabháil do dhánta Shéamuis Mhic Cuarta a chur in eagar, léirigh sé gur sraith cóipeanna ó LPH 12065M(1) cuid mhaith de ARÉ 12E25

---

rann i bpeannaireacht James Smyth ar lch 1, ach is ar na dátaí a thógfad scéal anseo. Is ceart don *R.I.A. Cat.*, 2633, gur scríobh Séamus an t-ábhar Gaeilge sa bhliain 1772, ach tá nótaí fáin sa lámhscríbhinn óna lámh a scríobhadh idir c.1774 agus 1782.

Tugann Séamus dátaí cruinne ina chuid colafoin: an 2 Lúnasa 1772, lch 80; an bhliain 1772 i bhfoirm rainn, lch 82; an 27 Deireadh Fómhair 1772, lch 94; an 28 Samhain 1772, lch 106. Fágann sé sin nach bhfuil dátaí scríofa le cuid mhaith d’obair Shéamuis. Luaitear an bhliain 1772 i bpáipéar oifigiúil a scríobh Séamus, fógra deachún a scríobhadh ar son Patt Blake, Baile an Phrútaigh, an 24 Deireadh Fómhair 1772, agus a bhí le cur chuig an Oir. Samuel Puelleine, lch 2; agus tá foirm eile in ARÉ 12E25 (908) a thosaíonn ‘County of Meath / to wit’, agus a scríobhadh i mí na Samhna 1774, lch 112. Cuid de na nótaí fáin a chuir Séamus leis an lámhscríbhinn ina dhiaidh sin, scríobhadh iad ionann is gur colafoin iad; féach an nóta a scríobh sé in imeall lch 128 ar an 28 Iúil 1776, mar shampla. Tugtar colafoin bréige eile den chineál seo ar lch 127, áit a luaitear ainm Shéamuis agus an 28 Meitheamh 1782 mar dháta scríofa, ach ba é Proinsias Mhac an Ultaigh a ghráf an leathanach sin an 27 Márta 1774. Is é rud atá le léamh ar na nótaí seo, ar ndóigh, gur ghráf Séamus a chuid féin den lámhscríbhinn sa bhliain 1772, ach go raibh an leabhar fós idir lámha aige sa bhliain 1782. Shínigh ‘James Nulty of the Lower Combe Dublin / 1780’ lch 104; pléitear seo i nóta 1049.

<sup>1045</sup> LN G411, lgh 83-94. Is dóigh gur i bpeannaireacht Shéamuis Mhic an Ultaigh atá an bhlogh seo, tharla go bhfuil an lámh thar a bheith cosúil léi siúd atá in ARÉ 23D39 (518), lgh 75-90; murarb eisean a scríobh an bhlogh sin, ba é a dhuine muinteartha, Proinsias Mhac an Ultaigh, a ghráf. Maidir leis an gceangal a bhí ag Séamus Mac an Ultaigh le Henrí Mhac Muircheartaigh agus a lucht comhaimsire, féach Caib. 1.4.1.2.

(908).<sup>1046</sup> Ó tharla gurbh as Currach Átha i gCirciostún do Bháitear, nach bhfuil ach achar gearr ó Bhaile an Phrútaigh, luíonn sé le céill go mbeadh baint ag an triúr seo lena chéile, ach ní fios an raibh aithne ag Séamus agus ag Proinsias ar scríobhaí eile ón dúiche sin, Labhrás Mhac Con Allaidh (*q.v.*) ón mBaile Géar i Ráth Tó. Chuir Séamus, is dóigh liom, breiseanna le LN G411 fosta, lámhscríbhinn a ghráf Henri Mhac Muirheartaigh (*q.v.*) ón gCillín, An Scrín, Co. na Mí, idir na blianta 1723 agus 1725. Tá an leagan de *Is é Éamonn Mac Cathail Riabhaigh* a scríobh Séamus in ARÉ 23D39 (518) sa bhliain 1753 éagsúil ó na leaganacha eile a tháinig anuas chugainn.<sup>1047</sup>

Tá an nóta ‘James Nulty of the Lower Combe Dublin / 1780’ i láimh dhéanach in ARÉ 12E25 (908).<sup>1048</sup> Cé gur measadh tráth gur scríobh duine muinteartha le Séamus Mac an Ultaigh é, ba dhóigh le Elizabeth FitzPatrick, *R.I.A. Cat.*, 2634, agus le Séamus P. Ó Mórdha (1961: 180) gur faisnéis é seo gur chaith an scríobhaí tréimhse i mBaile Átha Cliath, ach ní réitíonn peannaireacht an nóta seo leis na samplaí eile de chuid obair Shéamuis atá againn.<sup>1049</sup> Níl an litriú ach go measartha i

---

<sup>1046</sup> LPH 12065M(1), lch 1 [+ 1, 2] [= ARÉ 12E25 (908), lch 83], lch 6 [= lch 31], lch 27 [= lch 69], lch 30 [+ 31] [= lch 71], lch 31 [= lch 73], lch 32 [= lch 73], lch 33 [= lch 74], lch 36 [= lch 77], lch 37 [= lch 79], lch 39 [= lch 81], lch 40 [= lch 82].

<sup>1047</sup> Féach na nótaí in Ó Dochartaigh (1982: 6).

<sup>1048</sup> Lch 104.

<sup>1049</sup> Is é Ó Mórdha (1961: 180) an duine deireanach a phléigh an nóta ar lch 104, ‘James Nulty of the Lower Combe Dublin / 1780’. Tugann FitzPatrick an cuntas seo ar an nóta sin san *R.I.A. Cat.*, 2634, ‘... at p. 104... the writing is weaker ... and it has been suggested by a previous cataloguer (see unpub. Notebook 20) that they are the signature of some relative of the scribe’s; it seems more probable, however, that they were scribbled in by the scribe himself at the time when pp. 49–52, 61–68 were added, in which the writing is also rather tremulous’. Is mar seo a dhéanann Ó Mórdha (1961: 180) léamh ar an nóta: ‘Bhí Séamus Mac an Ultaigh féin seal i mBaile Átha Cliath ...’ Thuigfí ó na nótaí sin go raibh sé ar chúl a n-intinní ag FitzPatrick, *R.I.A. Cat.*, 2634, agus ag Ó Mórdha (1961: 180), go bhféadfadh sé gurbh é Séamus a scríobh an nóta sin ar an ábhar go raibh cuid mhaith blianta tar éis imeacht thart ó scríobh sé mórchuid ARÉ 12E25 (908), agus gur tháinig claochlú ar a chumas peann a láimhseáil idir an dá linn. Ní fíor sin, cibé rud é. Tá sampla againn de peannaireacht Shéamuis ón mbliain 1776 (lch 128), agus ón mbliain 1782 (lch 127); agus tá peannaireacht Shéamuis sa nóta a grafadh sa bhliain 1782 chomh maith agus ábhar na bliana 1772. D’fhéadfaí a rá gur scríobh Séamus nóta na bliana 1780 faoi bhrú éigin, ach níl sliocht na deifre air. Níl i gcumas freagra a thabhairt, ach is féidir go raibh an ceart ag an bhfear catalóige anaithnid úd gur scríobh duine muinteartha le Séamus Mac an Ultaigh an nóta seo. Tugadh ARÉ 12E25 (908) ar iasacht do chuid mhaith daoine trí na blianta, agus tá sí lán le nótaí eile ó léitheoirí eile.

gcuid de na téacsanna sa lámhscríbhinn sin, ARÉ 12E25 (908), agus dhealródh sé go raibh sí á léamh ag Séamus chomh mall leis an 26 Meitheamh 1782.<sup>1050</sup>

### 2.34. Conchubhar Mhag Aodha,<sup>1051</sup> fl.1681

**ARÉ 24P17(2) (1070).**<sup>1052</sup> ‘An Cath Cathardha’ (aiceifileach). Don Ath.

*Giolla Phádraig Ó Seibhléin.*<sup>1053</sup>

**LEM Z4.5.6.**<sup>†1054</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’, dán le Donnchadh Ó Dálaigh.

**LN G1304.**<sup>1055</sup> ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’, filíocht stairiúil agus chráifeach, dánta le Muiris mac Dháibhí Dhuibh [Mhic Gearailt], Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird, Séathrún Céitinn, srl., laoithe fiannaíochta, ginealaigh. 1681[2 ?].

Don Ath. *Giolla Phádraig Mac Murchaidh.*<sup>1056</sup>

---

Fuarthas tagairt do James Nulty, Sr. San Tomáis, gar don Chom, a adhlacadh i bparóiste San Caitríona (Eaglais na hÉireann), an 29 Márta 1818 agus é 40 bliain d’aois; féach *Clár na nAdhlacthaí, Paróiste San Caitríona* (Eaglais na hÉireann). Tagraítear sa chlárléabhar céanna (Iml. 3) do William Nulty, Sr. San Tomáis, a adhlacadh sa pharóiste sin ar an 22 Samhain 1820, in aois a 2 bhliain. Ní féidir an James Nulty seo a cheangal leis an scríobhaí murar dhearmad don chléireach an aois a thugtar san iontráil féin. D’fhéadfadh sé go raibh gaol aige leis an scríobhaí, toisc nach sloinne róchoitianta é Mac an Ultaigh lasmuigh den Mhí.

<sup>1050</sup> Lch 127. Féach nóta 1044 thuas.

<sup>1051</sup> Tugann Edward O’Reilly ‘Conor Magee’ air ina chatalóg—ARÉ 23H1 (1287)—ach níl sé soiléir go bhfuil bunús leis seo, cé gur chuir Patt Magee éigin a ainm le LN G1304, f. [94a].

<sup>1052</sup> Tá leath den aon cholafon a thugtar sa lámhscríbhinn seo, ARÉ 24P17(2) (1070), lch 435 (féach an chóip de i gcorp an chuntais thuas), caillte mar gheall ar dhochar a rinneadh don lámhscríbhinn, agus is dóigh gurbh in an fáth ar scríobh Stokes (1909: viii) gur ghráf ‘Concobhar Magaodh(ugain)’ an lámhscríbhinn seo ina eagrán den ‘Cath Cathardha’.

<sup>1053</sup> Is dóigh gurb ionann é agus Patricius Sevlan (*al.* Seulan, Seulen), sagart a bhí i bparóiste Chill Shléibhe tuairim is an bhliain 1670; féach nóta 602 thuas, áit a bhfaighfear eolas faoi.

<sup>1054</sup> Is féidir gur ghráf Conchubhar LEM Z4.5.6. Scriosadh ainm an scríobhaí sa cholafon ar f. 254v, ach is féidir na focail deiridh a léamh, ‘<...> ar <? a an>main, <...>bhar Mhagaodh’ . Cóipeáladh an lámhscríbhinn seo—cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ an Chéitinnigh—am éigin roimh an mbliain 1688 (féach f. [28]v, áit a bhfuil an dá shuim 1700/1629/71/1700 agus 88/29/79 [*sic*]/88). Más ea gurbh é an scríobhaí, Aodh Mac Domhnaill [1], an té a chuir a ainm ar cheann de na bileoga dramhpháipéir a úsáideadh le ceangal a chur ar an lámhscríbhinn (féach an clúdach cúil), is féidir go raibh sí seal áit éigin ar an teorainn idir Co. Mhuineacháin agus Co. Thír Eoghain. Thiocfadh sin píosa maith le hábhar LN G1304 agus lena stair. Féach Caib. 1.4.1.4, agus nóta 1056.

<sup>1055</sup> Bhí an lámhscríbhinn seo i seilbh Con O’Neill, Londain, nuair a rinne Ó Cuív (1969-70) clárú uirthi ach cuireadh ar ceant í ag Sotheby’s an 13 Nollaig 2001, agus bronnadh í, faoi dheireadh, ar an Leabharlann Náisiúnta. Féach nóta 18 thuas, mar a bhfaighfear nóta breise uirthi.

<sup>1056</sup> Is dóigh le hÓ Fiaich (1974: 296-7) gurb é an sagart seo an tAth. Patrick Murphy a cláraíodh mar shagart paróiste an Chreagáin sa bhliain 1704, ar an ábhar go bhfuil dánta sa lámhscríbhinn a bhaineann go dlúth le muintir Néill; is marbhna ceann acu ar dhuine de shliocht Aodha .i. de Mhuintir an Fheadha, Art mac Thoirdhealbhaigh Uí Néill ar cuireadh a mhuintir go Co. Mhaigh Eo, agus a



Tá Conchubhar Mhag Aodha ar na chéad scríobhaithe Tuisceartacha i dtréimhse na Nua-Ghaeilge a bhfuil fáil ar charnán beag scríbhinní leo. Bhí lámh iontach oilte de chuid na 17ú hAoise aige agus bhain sé leas as lámhscríbhinn le Mícheál Ó Cléirigh nuair a bhí LN G1304 á cur le chéile aige.<sup>1057</sup> Baineann cuid de na dánta sa lámhscríbhinn seo le muintir Néill (Ó Cuív 1969-70: 146), ní a thugann léargas éigin dúinn ar an gcineál litríochta a chóipeáiltí in Oirthear Uladh ag deireadh na 17ú hAoise, na dánta ar bhail de mhuintir Néill atá in LN G1304 taobh le dánta uathúla eile de chuid an cheantair ach go háirithe. Tugann giota de cholafon sa lámhscríbhinn ARÉ 24P17(2) (1070), ar cóip de ‘An Cath Cathardha’ í, le tuiscint gur scríobhadh í i ndálaí mífhóirsteanacha,

Arna sgríobhadh lé Conc[h]obhar Mhagaodh < > úsaide Ghiolla Padruicc Uí Sheibhlén < > míoshúaimhneach d’easbhaidh áite comh< ><sub>7</sub> má tá easbhaidh no locht ann <.>u< > choirsi táinic ris, acht an < > an léaghtóra < > ann tabhraidh mil< > ar sgur da s< ><sup>1058</sup>

Grafadh an lámhscríbhinn seo don Ath. Giolla Phádraig Ó Seibhléin, a bhí lonnaithe i bparóiste Chill Shléibhe thart faoin mbliain 1670, agus is ábhar spéise gur dóigh gur bhain an tAth. Cormac Mac Cuan (*q.v.*), sagart eile a bhí sa pharóiste céanna leathchéad bliain ina dhiaidh sin, úsáid as an lámhscríbhinn eile le Conchubhar, LN G1304, le cóip úr de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ a ghráfadh don Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill (*q.v.*), sagart agus scríobhaí ón gCreagán. An lámhscríbhinn eile seo, LN G1304, déanann Ó Fiaich (1974: 296-7) amach gurb ionann an tAth. Giolla

---

fuair bás ann *c.*1682. Fágann sin gur féidir go bhfuil dáta ar an tseanstíl ar intinn ag Conchubhar sa cholafon ina luann sé an pátrún, agus gur chóir dúinn an 21 Feabhra 1681[2] a léamh. Féach nóta 600 thuas, áit a bhfuil tagairtí eile d’argóintí Uí Fhiaich (1974). Bhí LN G1304 i seilbh sagairt eile, an tAth. Philip Mac Ardghail ó Chluain Tiobrad, Co. Mhuineacháin, [? sa bhliain 1744]. Féach Caib. 1.4.1.4 thuas, nó nóta 1059.

<sup>1057</sup> F. 122v. Tá cóip den cholafon i gcló in Ó Cuív (1969-70: 148).

<sup>1058</sup> Lch 435. Tá an chuid íochtarach den leathanach sin sractha chun siúil ach tá blogh den cholafon inléite go fóill. Tá sé le tuiscint ón mbeagán atá againn den cholafon go dtugadh sé dáta scríofa na lámhscríbhinne, ach má thug, caithfidh sé go raibh an chuid seo den leathanach cailte nuair a scríobh Edward O’Reilly cuntas catalóige ar ARÉ 24P17(2) (1070) sa bhliain 1825, óir níl dáta leis an lámhscríbhinn ann.

Phádraig Mac Murchaidh dár scríobhadh í sa bhliain 1681[2 ?] agus an tAth. Patrick Murphy a bhí ina shagart paróiste ar an gCreagán sa bhliain 1704. Mar gheall air seo, agus ar na téacsanna atá in LN G1304, is féidir buille faoi thuairim a thabhairt gur chuir Conchubhar a chuid lámhscríbhinní le chéile áit éigin i ndeisceart Cho. Ard Mhacha, i bparóiste Chill Shléibhe nó an Chreagáin, b'fhéidir. Bhí sí i gnuasach an Ath. Philip Mac Ardghail ón Leacach, Cluain Tiobrad, Co. Mhuineacháin [? sa bhliain 1744], an té ar ar cheap file de chuid na 18ú hAoise dán molta;<sup>1059</sup> is féidir go raibh páirt éigin ag Conchubhar leis an Patt Magee a shínigh LN G1304 áit amháin.<sup>1060</sup> Thuigfí ó chuid de na nótaí léitheora in ARÉ 24P17(2) (1070) go raibh sí sa Mhullach i gCo. an Chabháin am éigin tar éis a scríofa,<sup>1061</sup> ní a léiríonn gur féidir le saothair scríobhaí a bheith scaipthe fada ón áit ar scríobhadh iad le himeacht aimsire. Is doiligh an scríobhaí seo, Conchubhar Mhag Aodha, a cheangal le duine den bheirt scríobhaithe darb ainm Cú Chonnacht Mag Aodha.

---

<sup>1059</sup> Bhí LN G1304 i seilbh ‘Philip M<sup>c</sup>Ardle of Lackough [i. Leacach “Lackagh”] in y<sup>e</sup> Parysh of Cluntubrit and County of Monaghan’ [? sa bhliain 1744], f. 94v. Maidir leis an Ath. Philip Mac Ardghail, féach Mac Cathmhaoil (2013: 185), nó an plé a rinneadh ar Mhuiris Ó Gormáin i gCaib. 2.172 thíos; féach fosta na foinsí a luaitear i nóta 2851 thíos.

<sup>1060</sup> LN G1304, f. 94a.

<sup>1061</sup> Tugann breacadair sa lámhscríbhinn léargas dúinn ar an drong a bhí ina sealbhóirí uirthi tar éis an phátrúin a luadh thuas: ‘Rathdown’, lch 221; ‘Bryan Reilly’, lch 234; ‘Rahany [i. Rafanaigh “Raffony”] in the parish of Mulagh and Barrony Haselrane [i. Caisleán Raithin “Castlerahan”, Co. an Chabháin]’, lch 240.

2.35. **Cú Chonnacht Mag Aodha [1]**,<sup>1062</sup> fl.1664-5 [Cuch: McHugh]

**LB Sl. 3567.** Tráchtas ar phríomhphointí an chreidimh, ar an Aifreann, ar an bPáis, dánta diaga le Proinsias Caoch Mac Muircheartaigh, Eoghan Ruadh Mac an Bhaird, Bonabhentura (Giolla Brighde) Ó hEodhasa, leagan Gaeilge den *Epistola Lentuli*, giotáí as ‘Parrthas an Anma’. Droim Saileach, Clann Amhlaoibh, Fear Manach 1664-5. Dá bhráthair, *Éamonn Mag Aodha*.<sup>1063</sup>

Scríobh Cú Chonnacht Mag Aodha [1] an lámhscríbhinn seo i gceann de na bailte fearainn ar a dtugtar Droim Saileach i mbarúntacht Chlann Amhlaoibh, agus tugann nóta ina lámh féin le fios go raibh sé in inmhe Béarla a scríobh gan dua,<sup>1064</sup> más néata i bhfad a chuid peannaireachta agus Gaeilge á scríobh aige.<sup>1065</sup> Is cosúil go raibh deartháir aige, Éamonn Mag Aodha, dár scríobh sé LB Sl. 3567, ach taobh amuigh de sin is beag atá ar eolas faoi ná faoina mhuintir, agus ní féidir a thaispeáint go raibh páirt aige leis an scríobhaí eile darbh ainm Cú Chonnacht Mag Aodha [2] a

---

<sup>1062</sup> Is dóigh liom gur cuireadh Flower amú anseo tharla go ndearna sé an iomarca machnaimh faoin sloinne a bhí aige. Deir Flower linn sa *B.M. Cat.*, ii, 27, gur ghraf ‘Cuchonnacht mac Aodha Meig Uidhir’ an lámhscríbhinn ‘for his brothers, Éamonn and Brian, in 1664–5 ...’, an fhoirm as a mbaintear úsáid in dhá alt eile dá chuid (Flower 1927: 38; 1940: 25), agus lean mórán eile é, m.sh. Ó Cuív (1950: 207), Mhág Craith (1980: 127, 136), agus Ryan (2004: 261). B’fhéidir gurbh fhearr déileáil le hÉamonn agus Brian i dtús áite. Ba ar thrí nóta sa lámhscríbhinn féin a bhunaigh Flower an t-eolas a thugann sé anseo, go bhfios dom,

- (1) Nóta ón scríobhaí féin, ‘Ag so leabhran *Emainn Mhic Aodha iarna sgríobhadh* rena b[h]rathair Cu Chonnacht Mac Aodh an b[h]liadhainsi d’Aois an Tighearna 1664 ...’, f. 33b;
- (2) Cóip den nóta céanna i mBéarla, áit a dtugann an scríobhaí ‘Cuch. m<sup>c</sup> Hugh’ air féin, f. 33b;
- (3) Nóta déanach, ‘Edmond m<sup>c</sup> Hugh & Brien Ma Guier are y<sup>e</sup> true possessors of this little booke’, f. 33.

Deimhníonn an chéad nóta go raibh páirt éigin ag Cú Chonnacht agus Éamonn lena chéile, óir is minic is éard is brí leis an bhfocal ‘bráthair’, ‘duine muinteartha’ nó ‘ball d’Ord eaglasta’, tharla go raibh ‘dearbhráthair’ ag éirí coitianta faoin am sin, ach thig linn glacadh leis gurbh é a dheartháir é. Ba é an tríú nóta, is dóigh, a chuir Flower ag smaoineamh gur dheartháir eile le Cú Chonnacht é Brian, gur thuairimigh sé gurbh ainm dó ‘Cuchonnacht mac Aodha Meig Uidhir’ ó cheart, foirm nach bhfuil ar taifead áit ar bith sa lámhscríbhinn. Baineann an scríobhaí úsáid as an bhfoirm Gaeilge ‘Cú Chonnacht Mac Aodha’ agus cloíonn seisean agus a phátrún, Éamonn, le Cuch. m<sup>c</sup> Hugh agus Edmond m<sup>c</sup> Hugh sa Bhéarla (tugtar faoi deara an fhoirm Laidine ‘Edmundus Hugonis’ i nóta ar f. 31b). Ar an ábhar sin, cloítear le foirm an scríobhaí féin anseo, a bheag nó a mhór—Cú Chonnacht Mag Aodha [1].

<sup>1063</sup> An té a mheas Robin Flower a bheith ina dheartháir leis an scríobhaí seo. Is spéisiúil go raibh an leabhar ina sheilbh agus i seilbh Brien Ma Guier thart ar an am céanna; féach an nóta a chuir Robin Flower i bprionta, *B.M. Cat.*, ii, 27, a bhfuil athchló air i nóta 1062, uimh. (3) thuas.

<sup>1064</sup> F. 33b; *B.M. Cat.*, ii, 27.

<sup>1065</sup> Féach an *B.M. Cat.*, iii, pláta XVII.

bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní i mBaile Átha Cliath sna 1730í, ar a ndéanfar plé thíos.

**2.36. Cú Chonnacht Mag Aodha [2],<sup>1066</sup> fl.1735-9** [Constantine MccHugh]

**CE 17.** Formhór di. ‘Tráchtadh ar Bheatha Bhrighde’, ‘Beatha Phádraig’, ‘Ar Phurgadóir Phádraig’, ‘Beatha Chaoimhghin’, ‘Beatha Náile’, ‘Beatha Mhaodhóige’, ‘Meguidhir Fhearmanach’, dán le Diarmaid Mac Muireadhaigh, dánfhocail. Baile Átha Cliath 1737-9. Dó féin.<sup>1067</sup>

**CT 11267.**<sup>1068</sup> ‘Beatha Chríost’ (aistriúchán ar na *Meditationes Vitae Christi*), ‘Eochairsgiath an Aifrinn’. Baile Átha Cliath 1735.

Ba bhisiúil an scríobhaí é Cú Chonnacht Mag Aodha [2], agus tugann colafoin na lámhscríbhinn CT 11267 le fios go raibh sé ag obair ar chóip de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ ar an 25 Márta 1735, agus de ‘Beatha Chríost’ ar an 23 Bealtaine 1735,<sup>1069</sup> cé nach bhfuil cuid mhaith dá shaothar saor ó lochtanna mar gheall ar a luas a scríobhadh sé, is dócha. Ní mó ná go raibh an lámhscríbhinn sin curtha de nó gur chuir sé roimhe an téacs ‘Seanmóir na Páise’ a athchóipeáil, ag tosú ar an 30

---

<sup>1066</sup> Bhí lámhscríbhinn eile a ghráf Cú Chonnacht Mag Aodha [2] in 1736 ag lucht an Catholic Club i Nua-Eabhrac, lámhscríbhinn ina raibh ‘An Bheatha Dhiadha nó an tSlighe Ríoghda’, ach níl d’eolas agam uirthi ach a bhfuil in Ó Fachtna (1967: xvi-xviii). De réir an nóta a scríobh Pádraig Feiritéar, an duine a scríobh an chóip den téacs sin atá in COBÁC F14 (Ó Fachtna 1967: xiii n.1), ba sa bhliain 1736 a rinne Cú Chonnacht a chóip féin den téacs i mBaile Átha Cliath as lámhscríbhinn a ghráf Énrí Mac Ardghail (*q.v.*) sa bhliain 1694 sa Róimh, agus tá lámhscríbhinn Énrí imithe ó thuairisc le fada anois. Ba idir 1917 agus 1919 a scríobh Pádraig Feiritéar COBÁC F14. An lámhscríbhinn as ar grafadh COBÁC F14, cóip phearsanta (1915) a rinne Pádraig Feiritéar as cóip Con Chonnacht Mhig Aodha [2], níl aon tuairisc uirthi ná ar chóip Con Chonnacht Mhig Aodha [2] ina dhiaidh sin, in ainneoin gur scríobh Anselm Ó Fachtna chuig cúpla leabharlann i Meiriceá—St. Joseph’s Dunwoodie (féach an *Treoir.*, 30 §96), Fordham University, agus Manhattan College (*Treoir.*, 29 §93). Ní raibh toradh air sin, agus ní fios dom gurb ann di.

<sup>1067</sup> Féach CE 17, lch 240.

<sup>1068</sup> Fotachóip de CT 11267 is ea í CT 4883/3; tá gearrthuairisc uirthi (CT 4883/3) san *Hayes Supp.*, 531 col. c.

<sup>1069</sup> Féach nóta 1068 thuas.

Bealtaine 1735.<sup>1070</sup> Tá an lámhscríbhinn sin ar iarraidh anois, cosúil leis an gcéad lámhscríbhinn eile dá chuid a bhfuil tagairt againn di: thras-scríobh sé ‘An Bheatha Dhiadha’ sa bhliain 1736 ó lámhscríbhinn le hÉnri Mac Ardghail, ní a scríobh Énri sa Róimh sa bhliain 1694, agus tá an dá leabhar sin ar seachrán fosta le fada an lá.<sup>1071</sup> Ghraf sé lámhscríbhinn eile idir na blianta 1737 agus 1739 dá úsáid féin, CE 17, agus cuireadh ceangal ornáideach uirthi ar a shon (Ó Fiannachta 1978: 23). Beathaí naomh agus ábhar cráifeach is mó atá inti, agus tá cuid mhaith ábhair i gcoitinne aici leis na lámhscríbhinní cráifeacha a ghráf Séamus Bacach Mhag Uidhir (*q.v.*) agus a lucht comhaimsire do Bhrian Mhag Uidhir ó Chnoc Ninne; tá beatha thar a bheith neamhghnách inti ar San Náile ónar ainmníodh Cill Náile i gCo. Fhear Manach. Scoireadh dá scríobh ar an 15 Meán Fómhair 1738,<sup>1072</sup> agus thosaigh Cú Chonnacht [2] ar an saothar ‘Meguidhir Fhearmanach’<sup>1073</sup> a ghráfadh ar an 6 Feabhra 1738[9], ní a chuir sé de ocht lá ina dhiaidh sin ar an 14 Feabhra 1739.<sup>1074</sup> Thug Ó Fiannachta (1980: 22) agus Mac Murchaidh (1990: 93) le fios go bhfuil a shliocht ar an lámhscríbhinn gur grafadh faoi dheifir mhór í. Cóipeanna d’ábhar as CT H.2.6 (1297), ‘seanleabhar seanchais’ le Seon Mhag Shamhradháin, atá i gcuid mhaith eile den lámhscríbhinn, agus ní fios goidé a bhain do Chú Chonnacht [2] tar éis an dáta deiridh thuas.

### 2.37. Aodh Mac Aodhagáin, *fl.*1810

**ARÉ 23I43 (427).** Urnaithe agus orthaí. 1810.

<sup>1070</sup> Tá an lámhscríbhinn ar seachrán, ach tá cóip di a scríobh Tomás Mac Colpa sa bhliain 1773 in MN C93 (*d*), lgh 25-50.

<sup>1071</sup> Féach nóta 1066 thuas.

<sup>1072</sup> CE 17, lch 107.

<sup>1073</sup> Pléadh na trí chóip den téacs atá againn in Mac Murchaidh (1990).

<sup>1074</sup> CE 17, lgh 240, 291. Deir Cú Chonnacht [2] ar lch 240 go raibh sé ag brath ar an ‘seanleabhar seanchais’ a scríobh Seán mac Cobhthaigh Mhig Shamhradháin, is é sin, CT H.2.6 (1297), a grafadh idir na blianta 1715 agus 17<sup>16</sup>/<sub>17</sub>. Bhí an lámhscríbhinn seo i gColáiste na Trionóide sa bhliain 1781 (O’Sullivan 1976: 247).

Scríobhaí neamhoilte<sup>1075</sup> a bhí ann, agus tugann an t-aon lámhscríbhinn atá againn uaidh léargas dúinn ar a chanúint. Tugann na hurnaithe le fios gur Chaitliceach é Aodh Mac Aodhagáin, ach is doiligh aon eolas de bhreis air sin a sholáthar.

### 2.38. Éamonn Augustus Mag Aonghusa,<sup>1076</sup> c.1821-1877

[Edmond Augustus Maginnis]<sup>1077</sup>

**COFLA D10.** Cuid di. ‘Scáthán Spioradálta an Anma’ (leagan an Ath. Pádraig Ó Luain). Iúr Chinn Trá, An Dún 1856.

Báicéir agus duine de Choimisinéirí Baile Iúr Chinn Trá a bhí in Éamonn Augustus Mag Aonghusa (c.1821-1877), mac le Thomas Maginnis agus Anne Jane Magennis; agus diomaite de gur mar phátrún deiridh Airt Mhic Bhionaid is mó a chuimhnítear air, tá cuid de cheann de na lámhscríbhinní a ghráf Art dó i bpeannaireacht Éamonn Augustus Mhig Aonghusa é féin. Tugtar cuntas iontach mion air agus ar a mhuintir in Ó Muirí (1994: 55-75), agus plé an-mhaith ar a chnuasach lámhscríbhinní in Ó Cuinneagáin (1998), an dá chuntas ar ar bunaíodh a dtugtar anseo bunús uilig. Déantar plé gearr ar a bheatha in *Beath.* 1782-1881, 60 col. a – 60 col. b.

I ndiaidh do Thomas Maginnis (c.1778-1841), athair Éamonn Augustus Mhig Aonghusa, teacht isteach sa bhaile c.1800, bhunaigh sé an comhlacht báicéireachta ar

---

<sup>1075</sup> Féach litriú an scríobhaí sa ghiota beag thíos: ‘<A th>arra Iosa Chriosta mac dun Athar Seairidh ann nouar do bhi tú ar do feadír hanich le suallche ann t-ingel tabhart mesnidh dhuid. Tabhar dhusa ar bhrídh do pheadar an ouar do gibhimsa go d[t]ucedh an t-ingel naofa toart coar agus mesnid[h] dhu’, ARÉ 23I43 (427), lch 11.

<sup>1076</sup> Cé go dtugann Art Mhac Bionaid ‘Eamonn Mhac Anaosa’ air (COFLA D13, lch 64), ní chuireann Éamonn Augustus é féin séimhiú ar an gcéad eilimint ina shloinne sa dá áit a scríobhann sé a ainm in COFLA D10, lgh 27, 44, agus lean mé a chuid leaganacha sa mhéid seo.

<sup>1077</sup> Tugtar idir ‘Magennis’ agus ‘Maginnis’ sna taifid, ach dealraíonn sé go litriodh Éamonn Augustus Mag Aonghusa a ainm sa Bhéarla mar ‘Maginnis’, nó is é sin an leagan atá ar a theastas báis, agus ar thaifid oifigiúla eile a bhaineann lena chuid páistí. Cloím leis an litriú ‘Maginnis’, mar sin, ach amháin sa chás go dtugaim sliocht as taifead nó páipéar nuachta. An bheirt bhan a phós a athair, is cosúil go n-úsáideadh na teaghlaiigh lenar bhain siad na litrithe ‘McGuinness’ agus ‘Magennis’, agus géillim do na litrithe sin sa chás áirithe sin.

an tSr. Thuaidh, cé nach bhfuil a fhios againn go díreach cá huair a rinne sé sin. Tá an fhaisnéis a thugann eolairí an bhaile agus an Tuaiscirt trí chéile ar fhás an chomhlachta pléite in Ó Muirí (1994: 65), agus taispeánann tagairt in *Bradshaw's General Directory of Newry*, 1820, go raibh dhá shiopa ag Thomas Maginnis, athair Éamonn Augustus Mhig Aonghusa, faoin mbliain sin—bhí sé ina ‘ship bread maker’ i Sr. an Mhargaidh, agus déantar trácht air áit eile sa leabhar céanna mar bháicéir a raibh siopa aige ar an tSr. Thuaidh, áit a raibh an siopa lonnaithe nuair a fuair Éamonn Augustus Mag Aonghusa seilbh air. Phós Thomas beirt bhan; Mag Aonghusa ba shloinne roimh phósadh dóibh beirt fosta. Ba í Margaret McGuinness (*ob.*1815) a chéad bhean, agus pósadh iad an 11 Feabhra 1799; d’éirigh le hÓ Muirí (1994: 72, 74) eolas a fháil i dtaobh ceathrar mac a rugadh di,<sup>1078</sup> Patrick Maginnis, Bernard Maginnis (*ob.*1863), Hugh Maginnis (*ob.*1805), agus Thomas Maginnis. Nuair a fuair sí bás ar an 27 Márta 1815, phós Thomas athuair ar an 27 Aibreán 1817. Anne Jane Magennis (*c.*1786-1856), iníon Edward Magennis, a bhí ar an dara bean, agus ba as an Iúr di. D’aimsigh Ó Muirí (1994: 72) tagairtí do thriúr páistí a rugadh dóibh, Annie Maginnis (*c.*1818-1890); Edward Augustus Maginnis (*c.*1821-1877), an scríobhaí; agus Catherine Maginnis (*c.*1824-1864). Tugann leabhar rátaí an bhaile don bhliain 1829 le fios gur cuireadh luach £47 ar an siopa an t-am sin (Ó Muirí 1994: 65). Níl d’eolas againn ar óige Éamonn Augustus ach go ndearna sé prínitiseacht le díoltóir leabhar, Robert Greer, san Iúr (Ó Muirí 1994: 59). Fuair Thomas Maginnis bás an 5 Deireadh Fómhair 1841 in aois a 63 bliana,<sup>1079</sup> agus

<sup>1078</sup> Deir Ó Muirí (1994: 58) go bhfuair sé cuid mhaith den eolas seo i leabhar nótaí a choinnigh Éamonn Augustus Mag Aonghusa é féin, mar aon le baill eile den teaghlach ina dhiaidh. Tá, nó bhí, an leabhar nótaí agus ábhar eile i seilbh an Dra Diamaid Mac Diarmada, an Pointe, Co. an Dúin. Mac le gariníon le hÉamonn Augustus Mag Aonghusa atá ann.

<sup>1079</sup> Deir Ó Muirí (1994: 66) go raibh sé 64 bliana d’aois, ach is é rud a deirtear san fhógra báis a cuireadh i gcló ar an *Newry Telegraph* an 9 Deireadh Fómhair 1841 go raibh sé ‘in the 64th year of his age’.

d'fhág sé baintreach agus suas le seisear clainne ina dhiaidh.<sup>1080</sup> Bhí Éamonn tuairim is 20 bliain d'aois nuair a cailleadh a athair, agus taispeánann na sleachta a thugann Ó Muirí (1994: 66) as leabhair rátaí an bhaile goidé mar a tharla an teach báicéireachta ina sheilbh. Cuirtear 8 an tSr. Thuaidh síos do 'Mrs. Magennis' sna blianta 1842-3, ach dhealródh sé go raibh 'Edward A. Magennis' freagrach as na rátaí a dhíol sa bhliain 1843; is é 'Wm Magennis' an t-áititheoir ón mbliain 1845 go dtí 1847,<sup>1081</sup> nuair a thugtar 'Edward A. Magennis' ar na cuntais arís, agus a ainm luaite le 7-8 an tSr. Thuaidh an uair seo. Toghadh é ina bhall de Bhord na gCoimisinéirí in Iúr Chinn Trá sa bhliain 1846, nuair nach raibh sé ach 25 bliana d'aois, agus arís sna blianta 1855 agus 1858 (Ó Muirí 1994: 56). Tá sé ar taifead i bhfógra a bháis go raibh sé ar bhord an Aontais fosta.

Phós Edward Augustus le Jane Ursula Denvir (c.1825-1891), iníon le Robert Denvir, i nDún Phádraig ar an 8 Meán Fómhair 1846, agus rugadh dóibh aon duine dhéag sna blianta a lean sin. Cúpla a bhí sa chéad bheirt leanaí, Thomas J. Maginnis (1847-1885) agus Mary Maginnis (1847-1847), agus lean mórán eile iad, Robert F. Maginnis (1848-1911), Arthur J. Maginnis (1850-1928), Edward A. Maginnis (1852-), Jane A. Maginnis (1854-1909), Anne Maginnis (1856-), Mary R. Maginnis (1858-1874), Owen B. Maginnis (1860-1923), James P. Maginnis (1862-), agus Catherine Maginnis (1866-1950).<sup>1082</sup>

---

<sup>1080</sup> Chuir 'Mrs. Maginnis' [= Anne Jane Magennis, baintreach Thomas Maginnis] fógra sa *Newry Telegraph* ar an 12 Deireadh Fómhair 1841 á rá go raibh sé ar intinn aici leanúint de ghnó a fir chéile. Is doiligh a rá cá mhéad de na páistí a rugadh dá chéad bhean a bhí fós ina mbeatha sa bhliain 1841. Is eol dúinn, a bhuí le hÓ Muirí (1994: 74), go bhfuair Hugh Maginnis bás sa bhliain 1805, agus gur mhair Bernard Maginnis (ob.1863) a athair, ach níl aon eolas agam ná ag Ó Muirí (1994) i dtaobh Patrick Maginnis ná Thomas Maginnis. Bhí an triúr páistí a rugadh do Anne Jane Magennis, an dara bean a bhí ag Thomas, ina mbeatha sa bhliain 1841.

<sup>1081</sup> Ní heol dom cérbh é, agus ní luaitear an t-ainm sin sna ginealaigh a thugann Ó Muirí (1994: 74). D'fhéadfadh sé gur botún pinn é.

<sup>1082</sup> Féach Ó Muirí (1994: 72-3).



Den aon lámhscríbhinn déag a ghráf Art Mhac Bionaid (*q.v.*) d'Éamonn Augustus Mag Aonghusa idir *c.*1855 agus *c.*1860, tá dátaí leis an gcuid is mó acu, ach amháin COFLA D9 agus COFLA D13, áit a dtugtar an bhliain 1855 mar mharc uisce sa pháipéar. Is í COFLA D7 an chéad lámhscríbhinn den chnuasach a bhfuil dátaí léi, agus í lán le filíocht Oiriaila agus dánta a cheap Art Mhac Bionaid. Tugann sé mí na Samhna 1855 (ní thugtar an lá) agus mí Eanáir 1856<sup>1083</sup> mar dhátaí scríofa tar éis dhá dhán dá chumadh féin. Tá cuid mhaith ábhar cráifeach sna lámhscríbhinní a ghráf Art d'Éamonn Augustus, agus ní chastar le cuid acu in aon lámhscríbhinn eile, go bhfios dom; ní téacsanna uathúla na cinn a thugtar in COFLA D7, áfach, ar cnuasach tipiciúil de dhánta Oiriaila í ar an móróir.

Ghlac Éamonn Augustus é féin an cleite chuige i mí an Mhárta 1856, nuair a tugadh dó leagan den 'Scáthán Spioradálta' a bhí an tAth. Pádraig Ó Luain (*q.v.*), S.P. an Chreagáin Uacht., tar éis a cheartú thiar sa bhliain 1839. Cara maith le hArt Mhac Bionaid a bhí san Ath. Pádraig Ó Luain, agus dhealródh sé go raibh sé ar intinn aige sa bhliain 1839 an leabhar a chur i bhfóirithint don chló.<sup>1084</sup> Is mór idir an script thútach a úsáideann Éamonn Augustus nuair a scríobhann sé Gaeilge agus lámh oilte na sleachta Laidine sa téacs. Ní eile, tá sé intuigthe ó pheannaireacht Éamoinn Augustus go raibh sé ag cóipeáil script na heiseamláire mar aon lena hábhar, ionann is gurbh é seo an chéad iarracht a rinne sé ar Ghaeilge a scríobh. Bhí na chéad 27 leathanach líonta aige faoin 5 Márta 1856, agus scríobh sé 16 leathanach eile idir sin agus an 15 Márta 1856. Ní fios ar éirigh sé cortha den obair, nó an raibh sé róghnóthach le mórán eile a dhéanamh, ach chuir sé an lámhscríbhinn chuig Art ina

---

<sup>1083</sup> COFLA D7, lgh 96, 257.

<sup>1084</sup> COFLA D11 atá ar chóip an Ath. Pádraig Ó Luain den 'Scáthán Spioradálta', ach tá sí easnamhach anois. Tugtar an dáta sin, 1839, sa réamhrá a scríobh Art Mhac Bionaid in COFLA D10, lgh [i]-[ii], rud a fuair sé i gcuid de COFLA D11 nach bhfuil againn, is dóigh, óir tá ainm Phádraig leis sa chóip atá in COFLA D10. Tá 192 leathanach scríofa in COFLA D11, lgh 1-46 i lámh Éamoinn Augustus Mhig Aonghusa, agus lgh [i]-[ii], 47-190 i lámh Airt Mhic Bhionaid.

dhiaidh sin le go gcríochnódh sé í. Bhí an obair uilig déanta ag Art faoin 2 Bealtaine 1856.

Tá bearna mhór sna lámhscríbhinní uaidh seo go mí na Samhna 1856, rud nach bhfuiltear in ann a mhíniú, murab é gur grafadh an dá lámhscríbhinn gan dáta a luadh thuas, COFLA D9 agus COFLA D13, sa tréimhse seo, nó gur thug an pátrún a chúl do chúrsaí liteartha seal gairid tar éis dá mháthair, Anne Jane Magennis, bás a fháil ar an 15 Meitheamh 1856.<sup>1085</sup> Tá cúpla saothar cráifeach in COFLA D9 agus COFLA D13 nach bhfuil i lámhscríbhinn eile, go bhfios dom, ‘Comhradh Caitlicigh agus Éiricigh’,<sup>1086</sup> agus ‘An Rosary ina Bhéirse’ le hÉamonn Mac Cumhaigh.<sup>1087</sup> An fiche seachtain a chaith Art ag obair d’Éamonn Augustus Mag Aonghusa idir mí na Samhna 1856 agus mí an Mhárta 1857, is mó lámhscríbhinní atá againn ó láimh Airt do na seachtainí sin ná aon tréimhse eile ina shaol, agus ní beag an t-ábhar iontais a bhisiúla is a bhí sé an uair sin, agus é tuairim agus 63 bliana d’aois.

Meascán d’ábhar saolta agus diaga a bhí á chóipeáil ag Art sa tréimhse sin, agus tá toradh na hoibre a rinneadh idir lár na bliana 1856 agus lár na bliana 1857 i gceangal mar chúig lámhscríbhinn arb é tuairim is 600 leathanach a dtoirt san iomlán— COBÁC A49, COFLA D6, COFLA D8, COFLA D10, COFLA D12. Is in COFLA D6, ar grafadh codanna di idir an 5 Nollaig 1856 agus an 19 Feabhra 1857, a fhaigheann muid cuid mhaith scéalta rómánsaíochta den chéad uair; bheifí ag déanamh amach go raibh tobar Airt d’fhillíocht Oirialla de chóir a bheith tirim faoi thús na bliana sin 1857, agus go raibh air dul sa tóir ar théacsanna eile. Cuid mhaith acu, tá siad ar fáil i lámhscríbhinní eile sa dóigh nach samplaí de chumadóireacht Airt iad, ach ní mór go bhfuair sé saothar mór lena dtabhairt le chéile, le go mbeadh

---

<sup>1085</sup> Tugtar dáta a báis in Ó Muirí (1994: 67, 72).

<sup>1086</sup> COFLA D9, lch 1.

<sup>1087</sup> COFLA D13, lch 14.

rud éigin úr le seoladh aige chuig Éamonn Augustus. Tá cuid den ábhar thar a bheith neamhghnách: ‘Eachtra Bhoc Bhaile Bionabaidhe’;<sup>1088</sup> dánta le Peadar Seoighe, Tomás Déis, Seán Ó Neachtain;<sup>1089</sup> agus d’fhéadfaí an rud céanna a rá faoi na téacsanna cráifeacha atá sna lámhscríbhinní sin, ‘Tiomna re Déanamh ria [m]Bás’;<sup>1090</sup> ‘Oifig an Spioraid Naoimh’, ‘Urnaithe agus Míniughadh Bealach Naomhtha na Croiche’, ‘Paidrín Naoimh Ioseph’, ‘Taispeánadh Naoimh Pól’, ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’.<sup>1091</sup> B’fhéidir go n-aireofaí cosúlachtaí móra idir an t-ábhar atá in COFLA D6 agus cuid mhaith de na lámhscríbhinní a ghráf Pádraig Mhac Gatháin (*q.v.*) ó Dhún gCuaile, Co. Lú, agus Aodh Ó Néill (*q.v.*) ó Iúr Chinn Trá;<sup>1092</sup> bhí an scéala amuigh caoga bliain ó shin go raibh aon lámhscríbhinn déag de chuid Aodha Uí Néill i gcuasach Airt lá den saol (Moore 1953-5: 208),<sup>1093</sup> ach ní fheicim go bhfuil bunús maith leis sin. Thuigfí ó na dátaí sna lámhscríbhinní go raibh Art ag dul ó lámhscríbhinn go chéile agus é á scríobh, ach is féidir go bhfuil míniú air sin. Cuid mhaith de na dátaí a thugtar sna lámhscríbhinní seo, ní i gcolafoin a fhaightear iad ach i bpionsal sna himill, agus mórán acu i bpeannaireacht Éamoinn Augustus. Dealraíonn sé go raibh Art ag cur giotáí chuig Éamonn Augustus tríd an bpost, cúpla ceann gach mí, de réir mar a bhí sé in ann sin a dhéanamh. Deir Ó Muirí (1994: 59) gur féidir gur chuir Éamonn Augustus ceangal ar na leabhair, ó rinne sé a

<sup>1088</sup> COBÁC A49, lch 125.

<sup>1089</sup> COFLA D8, lgh 8, 77, 105.

<sup>1090</sup> COFLA D10, lch 45.

<sup>1091</sup> COFLA D12, lgh 6, 13, 36, 37, 49.

<sup>1092</sup> Féach gurbh iad lucht scoil Thaidhg Uí Neachtain ba mhó a chuir spéis i gcuid de na téacsanna atá ag Art in COFLA D6, m.sh. ‘Eachtra Clann Tomás’ (‘Parliament Chloinne Tomás’) agus ‘Cath Bearna Chroise Brighde’. Is dóigh go síolraíonn a bhfuil in COFLA D6 ar bhealach éigin ó na cóipeanna a rinne Aodh Ó Néill (*q.v.*) as lámhscríbhinní a cuireadh chuige as Baile Átha Cliath, LB Eg. 127 agus LB Eg. 165. Ba é Seán Tancart a chuir an dara ceann chuige. Nó is féidir go raibh Art ag baint úsáid as cóipeanna a rinne Pádraig Mhac Gatháin de na téacsanna céanna, ó chnuasach Aodha Uí Néill, is dóigh. Féach na cuntais ar Phádraig Mhac Gatháin agus ar Aodh Ó Néill.

<sup>1093</sup> Ba é an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh a dúirt sin, más ceart do Shéamus P. Ó Mórdha (Moore 1953-5: 208 *n.*13).

chuid printíseachta i siopa leabhar Robert Greer in Iúr Chinn Trá in aois a óige. Cibé acu a chuir nó nár chuir, níor ceanglaíodh na giotaí de réir mar a sheol Art chuige iad.

Déanfar plé sa chuntas ar Art Mhac Bionaid ar an saothar staire a thairg sé do Roibeard Mac Ádhaimh sa bhliain 1850, agus na litreacha a lean sin, ach is leor a lua anseo gur thosaigh Art ar an saothar sin a scríobh, nó a chóipeáil, is dóigh, d'Éamonn Augustus sa bhliain 1857. Líonadh an chéad chuid den lámhscríbhinn ina bhfuil sé, SPE, le téarmaíocht Ghaeilge, leabhar beag comhrá agus logainmneacha, agus, aisteach lena rá, dán le hEoghan Ruadh Ó Súilleabháin. Leanann tíolacadh an leabhair an méid sin, tuairim is lán deich leathanach eile de logainmneacha, agus an stair ansin, 'Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile'. Saothar 312 leathanach atá inti ar 'the struggles of the Irish for life, liberty and property during the stormy reign[s] of the House of Tudor, ... and the six successive reigns of the House of Stuart'.<sup>1094</sup> Bhí tuairim is ceathrú den saothar scríofa aige faoin 27 Bealtaine 1857, agus chaith Art an chuid eile den bhliain ag obair air. Sa dá lámhscríbhinn a ghráf Art d'Éamonn Augustus idir an 2 Bealtaine 1858 agus an bhliain 1860, is sparálaí na dátaí sa dóigh nach féidir mórán a rá faoi na cúinsí inar scríobhadh na deich scéal atá iontu, ach gur dóigh gur bhain siad mórán ama as. Den chéad uair riamh, tugann Art eolas dúinn ar na seanleabhair a bhí roimhe agus é ag cóipeáil cúig cinn de na scéalta; deir sé go bhfuair sé dhá scéal in CM T2, 'Bás Airgin Mhóir Rí Lochlann agus Deargár a Mhuintire' agus 'Lorgaireacht na Laochraigh', i lámhscríbhinn [? lámhscríbhinní] le Michael Brady ón gCúirt Bhán, An Creagán, Co. Lú, dar dháta 1782 agus 1785; ceann eile, 'Eachtra Chriomhthain Chathbhuaidhaigh as Gleann an Iolair i dTír Fo Thoinn', i lámhscríbhinn Bhriain Bhig Mhic Ardghail (Bryan beg

---

<sup>1094</sup> Mar a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 10 Feabhra 1850, LN G702(19), mír 2. Tá an litir i gcló in Ó Mórdha (1957: 381-2), Ó Buachalla (1968: 193-4), agus in Ó Muirí (1978: 123-4).

McArdle) ón \*Maigh Bhán [Moybane],<sup>1095</sup> An Creagán, Co. Ard Mhacha, 1777; agus an ceann eile atá in CM T2, ‘Turas Nuala Chaomhchrothach Inghean Ríogh na Fraince go hÉirinn’ i leabhar le Michael Conery, Baile Risteaird, Co. Lú, 1760. Is í an tagairt is spéisiúla ar fad í siúd atá leis an scéal ‘Eachtra Foirbe mac Chonchubhair mhic Neasa Rí Uladh’ in CM T1, áit a ndeir sé gur sliocht lámhscríbhinne a ghráf Arthur Brownlow (1645-1712) sa bhliain 1729 é.<sup>1096</sup> Ní gá a lua go bhfuil rud éigin contráilte leis seo. Tar éis d’Ó hUiginn (2009) scrúdú a dhéanamh ar theanga na scéalta seo, an méid acu ar scéalta Rúraíochta iad (ar a dtugann sé *SR*) ach go mórmhór, dhealródh sé gurb é an léamh is bailí a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na téacsanna seo ‘gurbh é Art Mac Bionaid féin a chum agus a scríobh *SR* agus go ndearna sé iarracht sinsearach liteartha a bhronnadh orthu trína leagan ar sheanfhoinsí’ (Ó hUiginn 2009: 400).<sup>1097</sup> Níl teacht ar na heiseamláirí seo, ná aon lámhscríbhinn eile atá i láimh duine den cheathrar scríobhaithe a luann Art Mac Bionaid, agus is beag eile atá againn ó láimh Airt a grafadh tar éis na bliana 1860.

Ná ní dóigh gur méadaíodh cnuasach lámhscríbhinní Éamoinn Augustus mórán tar éis na bliana sin. Rinne sé a thiomna ar an 27 Lúnasa 1877, agus d’éag sé ar an 8 Meán Fómhair 1877 de ghalar ae in aois a 56 bliana.<sup>1098</sup> Dar lena mhac Thomas J. Maginnis, a scríobh taifead ar a bhás isteach ina leabhar nótaí, cailleadh é ag 11:17 ar maidin ina theach féin (Ó Muirí 1994: 69). Deirtear san fhógra báis a priontáladh ar an *Newry Telegraph*, an 11 Meán Fómhair 1877, go bhfuair sé bás thart faoi 12:00. Tugadh cuntas iontach fada ar a bheatha ar an bpáipéar sin, agus déantar tagairt ar leith don spéis a chuir sé sa Ghaeilge,

---

<sup>1095</sup> Níl leagan deimhnithe Gaeilge ar fáil.

<sup>1096</sup> Féach nóta 1738.

<sup>1097</sup> Déantar plé ar thréithe na scéalta seo, na heiseamláirí, agus na cosúlachtaí stíle, teanga / canúna, agus foiclóra atá acu le leabhar staire Airt, ‘Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile’, in Ó hUiginn (2009: 394-400).

<sup>1098</sup> Teastas báis Edward Augustus Maginnis (*OAC*, Cláruimhir: 1877, Ráithe 3, Iml. 11, lch 519).

Mr. Magennis loved Ireland, and we believe that it was passionate love for the old land that led him to study Irish, which he spoke freely.<sup>1099</sup>

Adhlacadh é in Iúr Chinn Trá ar an 11 Meán Fómhair 1877. D'éag a bhean chéile, Jane Ursula Denvir ar an 21 Meán Fómhair 1891.<sup>1100</sup>

Léirigh Ó Cuinneagáin (1998: 19 col. c) gur thit ceithre cinn den aon lámhscríbhinn déag sin, agus an chuid eile, b'fhéidir,<sup>1101</sup> le hoidhreacht ar mhac le hÉamonn Augustus, Robert Francis Maginnis (1848-1911), agus bhí ceann amháin acu, COFLA D12, idir lámha aige sa bhliain 1878.<sup>1102</sup> Ní dhéantar tagairt speisialta, ar ndóigh, do na lámhscríbhinní i dtiomna Éamoinn Augustus, ach uachtaíodh na 'chattels not otherwise disposed of [therein]' dá mhac Robert Francis Maginnis,<sup>1103</sup> agus téann sé le céill gur áiríodh lámhscríbhinní Airt leo. Ón lá sin amach, is doiligh a rá céir leis iad, go dtí go bhfuair an tAth. Lúcas Ó Domhnalláin (1878-1952), an bailitheoir lámhscríbhinní agus amhrán, greim ar dheich gcinn acu am éigin roimh an mbliain 1907.<sup>1104</sup> An lámhscríbhinn eile, 'Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile' nó SPE, ceaptar gur cheannaigh staraí aitiúil, Seoirse Mac Eoin (*ob.*1970), í ag ceant príobháideach áit éigin i mBaile Hill i dtús na 20ú hAoise, agus tá muid fós dall aineolach ar scéal na lámhscríbhinní seo idir na blianta 1878 agus c.1907. Fuair Robert F. Maginnis bás ar an 7 Deireadh Fómhair 1911.

---

<sup>1099</sup> *Newry Telegraph*, an 11 Samhain 1877. Tugtar sleachta fada as in Ó Muirí (1994: 55, 57, 59, 70), agus fógraí eile in Ó Muirí (1994: 70-1).

<sup>1100</sup> Teastas báis Jane Maginnis (*OAC*, Cláruimhir: 3560649). Deirtear ar an teastas go bhfuair sí bás ag 11 an tSr. Thuaidh an 21 Meán Fómhair 1891 in aois a 66 bliana, agus chláraigh a mac, R. F. Maginnis, an teastas ar an 9 Deireadh Fómhair 1891.

<sup>1101</sup> COFLA D6, COFLA D9, COFLA D12, agus COFLA D13. Tá 'R. F. Maginnis 1878' scríofa bunoscionn ar an leathanach deiridh in COFLA D12 (Ó Cuinneagáin 1998: 19 col. c), agus deir an t-údar céanna go bhfuil na hinisil 'RFM' inléite ar an gcéad leathanach in COFLA D6, COFLA D9, agus in COFLA D13, mar aon le dátaí doléite (Ó Cuinneagáin 1998: 19 col. c).

<sup>1102</sup> Féach nóta 1101.

<sup>1103</sup> Cláraíodh an tiomna i gclárlann Ard Mhacha an 10 Deireadh Fómhair 1877. Tá cóip den tiomna ar caomhnú i leabhar deontas (*Will Book*) in PRONI. Cuireadh i bprionta í in Ó Muirí (1994: 512-13).

<sup>1104</sup> Déantar plé ar na lámhscríbhinní seo sa chuntas ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40, áit a bhfuil tagairtí cruinne agam do na dátaí seo, ach is beag eile a chuirtear lena bhfuil tugtha agam thuas.

**2.39. Énrí Mac Ardghail, fl.1653-94**

[Henricus Ardelius]

**MN R68.** Formhór di.<sup>1105</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’. Coláiste na mBráthar Éireannach, Prág 1663.

Thig linn an scríobhaí seo, tharla go dtugann sé ‘Henricus Ardelius’,<sup>1106</sup> bráthair bocht d’Ord San Proinsias, air féin sa lámhscríbhinn thuas, a cheangal leis an gcléireach, ‘Henricus Ardelius’, a coirníodh i bPrág ar an 16 Nollaig 1653, agus a ndearnadh fodheagánach de sa bhliain chéanna (Millett 1998: 29). Tá ceangal láidir idir an sloinne seo agus Co. Lú, ach chuaigh díom aon eolas cruinn a fháil i dtaobh a shaoil sula ndeachaigh sé le sagartacht.

Bhí teacht ag Cú Chonnacht Mag Aodha [2] (*q.v.*), mar a dúradh sa chuntas air thuas, ar chóip de ‘An Bheatha Dhiadha’ i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1736, lámhscríbhinn a ghraf an scríobhaí seo, nó Énrí Mac Ardghail eile, sa Róimh sa bhliain 1694 (Ó Fachtna 1967: xvi-xviii). Thuairimigh Ó Fachtna (1967: xi-xii) gurb ionann an scríobhaí seo agus Francis McArdle, O.F.M., sagart a luaitear i gcuid mhór taifead de chuid Choláiste na nÉireannach, An Róimh, ach ní léir gur fíor sin.<sup>1107</sup>

**[M(h)ac Bionaid]: féach Bennett**

---

<sup>1105</sup> Dheisigh Mícheál Ó Raghallaigh, an scríobhaí clúiteach ó Cho. an Chláir, an lámhscríbhinn seo thart ar an mbliain 1838, *M.N. Cat.*, iv, 48-50. Féach an nóta a scríobh sé ar lch 237: ‘Bídhadh a fhios agad, a léightheoir, an tan *do fuair* mise an seanleabhar so go raibh tríochadh duileóg deith tollta le luch,  $\gamma$  *do bhain* mise na duileoga tollta as  $\gamma$  *fuair* mé Dochtúir oile  $\gamma$  *do sgríobh* mé an m(h)éid easbadh do bhí *ar*, mur is léir dhuit,  $\gamma$  bí cinnte go bhfuil an stair foirlionta anois. M. O Rághallaigh’.

<sup>1106</sup> MN R68, f. [iia] (duilleog atá sáite isteach idir ff. [ii], [iii]).

<sup>1107</sup> Gheofar tuilleadh eolais ar an duine seo in Ó Fachtna (1967: xi-xii).

ARÉ 23H34 (718). Blogh di.<sup>1109</sup> Autograf. Foirceal, Ard Mhacha 1844.

ARÉ 24L22 (771). Blogh di.<sup>1110</sup> ‘Domhnall na Gréine’. 1821.

ARÉ 12E24 (907). Blogh di.<sup>1111</sup> Litreacha, dánta le Peadar Ó Doirnín,

LN G780.<sup>1112</sup>

autograif. An Baile Caol, Foirceal,

Ard Mhacha 1844. Do *Sheán Ó*

*Dálaigh*.<sup>1113</sup>

<sup>1108</sup> Féach nóta 2459, áit a bhfuil cuntas ar lámhscríbhinn chaillte a scríobh Art Mhac Bionaid, agus é ag tarraingt ar lámhscríbhinn a ghráf Peadar Ó Doirnín sa bhliain 1720. Luaitear in Donnellan (1908: 67) gur thug Art cnuasach dá chuid scríbhinní dá mhac, John Bennett, sula ndeachaigh sé thar sáile. Ní réitíonn sin go maith, áfach, leis an rud a scríobh sé i litir chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 10 Feabhra 1850, á rá nárbh fhiú ‘three Jack straws’ a chlann maidir le cúrsaí léinn. Féach LN G702(19), mír 2; tá na litreacha seo uilig i gcló in Ó Mórdha (1957), agus an litir áirithe seo ag Ó Mórdha (1957: 381).

<sup>1109</sup> Lch 167.

<sup>1110</sup> Ff. 110-11.

<sup>1111</sup> Lgh 83-76, 81-84. Tá lgh 77-80 sractha chun siúil, agus géiríocha díobh fós le feiceáil idir lgh 76 agus 81. Tugtar LN G780 ar na leathanaigh sin (77-80) anois. Féach nóta 1112.

<sup>1112</sup> Tugtar nóta gearr ar LN G780, LN G802 in *N.L.I. Gaelic MSS.*, ach is fearr nótaí Uí Bhuachalla (1968: 288). Tá na leathanaigh in LN G780 uimhrithe 77-80, agus is iad seo na duilleoga a baineadh as ARÉ 12E24 (907), áit a dtéann áireamh na leathanach thar na huimhreacha sin. Tá fréamhacha dhá dhuilleog fós le feiceáil idir lgh 76 agus 81 in ARÉ 12E24 (907), agus dhealródh sé gur sracadh chun siúil iad tar éis do Sheán Ó Dálaigh na páipéir seo a cheangal. Grafadh iad, cé nach bhfuil dáta leo, ar an 26 Nollaig 1844, ar scáth na ndátaí a luaitear i gcuid Airt de ARÉ 12E24 (907). Is é seo struchtúr na leathanach,

Lámhscríbhinn.	Lgh.	Ábhar.
ARÉ 12E24 (907)	73-6	Litir ó Art Mhac Bionaid chuig Seán Ó Dálaigh, an 26 Nollaig 1844, ina ndeir Art go raibh an tAth. Pádraig Ó Luain tar éis cóipeanna Airt de dhánta Pheadair Uí Dhoirnín a chur chuig Seán Ó Dálaigh, ‘An Gearrán Bán’ san áireamh [= ARÉ 12E24 (907), lgh 81-8; féach thíos]. Deir Art fosta go gcuirfidh sé cuntas chuige ar an dán ‘An Gearrán Bán’ ach a iarraidh. Taobh leis an litir, tá trí dhán de chuid Airt féin, agus dán le Séamus Mac Cuarta.
LN G780	77-80	
ARÉ 12E24 (907)	81-8	Dhá dhán le Peadar Ó Doirnín (‘An Gearrán Bán’ agus ‘Ar Mhalaidh Dhroma Críche’) i bpeannaireacht Airt Mhic Bhionaid; nóta chuig Seán Ó Dálaigh i láimh an Athar Pádraig Ó Luain dar dáta 24 Nollaig 1844 ar lch 88 mar iarscríbhinn le hobair Airt, ina luaitear go bhfuil sé ag cur chuig Seán Ó Dálaigh ‘the Gearran Bán and ... Malaidh Dhruim Chrich’. Deirtear ann go gcuirfidh Art chuige i gceann cúpla lá ‘an account of the occasion on which the Gearra[n] Ban was composed ...’

Lena rá ar dhóigh eile, scríobhadh ARÉ 12E24 (907), lgh 73-6 + LN G780, lgh 77-80, ar an 26 Nollaig 1844, agus ARÉ 12E24 (907), lgh 81-8, ar an 24 Nollaig 1844.

<sup>1113</sup> Seán Ó Dálaigh (*ob.* 1878), scoláire Gaeilge, gníomhaire teanga, bailitheoir lámhscríbhinní agus díoltóir leabhar i Sr. Anglesea. An té a bhfuil eolas breise de dhíth air, gheobhaidh sé plé iontach cuimsitheach air in Ó Drisceoil (2007).



**C Add. 3085 (a) (10).** Dánta le Philip Ministéir, Art Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a Liondain, Niall Óg Mac Murchaidh, dánfhocail, ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’. 1831-2.<sup>1114</sup>

**CM T1 (ol. D4).** ‘Tóraidheacht na hÉilite le Cú Chulainn agus Oillioll Fionn’, ‘Tóraidheacht Eileann Sciamhach go Críochaibh Lochlainn’, ‘Eachtra Chonaill Cheithearnaigh agus an Fhir Dia’, ‘Eachtra Foirbe mac Chonchubhair mhic Neasa Rí Uladh’, ‘Eachtra Thailc mhic Treoin go hÉirinn’. 1859. D’Éamonn Augustus Mag Aonghusa.<sup>1115</sup>

**CM T2 (ol. D5).** ‘Bás Airgin Mhóir Rí Lochlann agus Deargár a Mhuintire’, ‘Lorgaireacht na Laochraigh’, ‘Tóraidheacht Chlann Chonchubhair mhic Neasa Rí Uladh le Curaidhibh na Craoibh’ Ruaidhe’, ‘Eachtra Chriomhthain Chathbhuaidhaigh as Gleann an Iolair i dTír Fo Thoinn’, ‘Turas Nuala Chaomhchrothach Inghean Ríogh na Fraince go hÉirinn’. An Baile Caol, Foirceal, Ard Mhacha 1858-60. D’Éamonn Augustus Mag Aonghusa.

**COBÁC A49.** Dán le Cathal (al. Tomás) Mag Ruaidhrí agus leagan Béarla de, dán Béarla ar Éirinn, ‘The Charter of Newry’, dánta le hArt Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta, Philip Ministéir, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a Liondain, Pádraig Ó Briain, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, laoi fiannaíochta, ‘Eachtra Bhoc Bhaile Bionabaidhe’, seanráite, dánfhocail. 1857. D’Éamonn Augustus Mag Aonghusa.

---

<sup>1114</sup> Tugaim na dátaí atá sa lámhscríbhinn seo toisc gurb í an t-aon lámhscríbhinn atá againn ó lámh Airt don tréimhse 1822-43—an 9 Eanáir 1832, C Add. 3085 (a) (10), f. 2; an 3 Nollaig 1831, f. 6; an 5 Nollaig 1831, f. 16v; an 6 Nollaig 1831, f. 23; an 9 Nollaig 1831, f. 27. Tá 32 dhuilleog sa chuid seo den lámhscríbhinn. Ciallaíonn sé sin gur scríobhadh an chuid is mó di, 22 cheann de na duilleoga sin, in achar sé lá.

<sup>1115</sup> Féach an cuntas a thugtar ar an scoláire seo idir phátrún flaithiúil agus scríobhaí i gCaib. 2.38 thuas.

**COBÁC L10.**<sup>1116</sup> Blogh di. Amhrán le Séamus Mac Cuarta. An Baile Caol, Foirceal, Ard Mhacha. [c.1844. ? Do *Sheán Ó Dálaigh*].<sup>1117</sup>

**COBÁC M20.** Autograif, ‘Goid Fhinn agus Dhubháin’, búrdúin agus dánfhocail, dánta le hArt Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta, [Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna], Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a Liondain, Seán Clárach Mac Domhnaill, Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin, ‘Seachrán Chairn tSiadhail’. Foirceal, Ard Mhacha 1852.<sup>1118</sup> [? Don Chanón. *Patrick Joseph McMahon*].<sup>1119</sup>

<sup>1116</sup> An giota lámhscríbhinne a luaigh Ó Buachalla (1968: 289-90), ‘Lch. páipéir i lámh Airt ar a bhfuil amhrán de chuid Mhic Cuarta. Bhí an ls. seo ag Colm Ó Lochlainn is deir sé liom gur dóigh leis gur i measc a pháipéir féin (Ó Lochlainn MSS.) i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath atá sí anois. Níor cláraíodh na páipéir sin fós, áfach’. Cuireadh treoir ar fáil díobh ó foilsíodh an leabhar seo, ina bhfuil cuntas gearr ar an ngiota seo.

<sup>1117</sup> Baineann an chuid is mó de na páipéir sa lámhscríbhinn seo leis an scoláire sin. Is dóigh, mar sin, gur grafadh an bhloigh seo idir an 15 Samhain 1844, dáta na litreach, LN G389(9), inar luaigh an tAth. Ó Luain le Seán go dtiocfadh le hArt cuidiú leis; agus an 5 Eanáir 1845, an lá ar chuir Art an ‘ugly note’ chuig Seán, ní a luann an tAth. Ó Luain in LN G389(14), litir dar dáta an 13 Eanáir 1845.

<sup>1118</sup> Tugaimis, i dtús áite, dáileadh na leathanach in COBÁC M20: 1\*-18\*, 88 (19\*)-103, 1-53, [54], 104-15, 55-87, [87a = cúl lch 87], [87b]-[87q]. Dhealródh sé go ndearnadh praiseach de chruth na lámhscríbhinne seo nuair a ceanglaíodh í. Liomsa na huimhreacha idir lúibíní cearnacha, agus ó tharla nach bhfuil clárú déanta ar an lámhscríbhinn, níl ann ach treoir. Tá dhá shraith uimhreacha sa lámhscríbhinn a dtagann salach ar a chéile áit amháin. Clúdaíonn an phríomhshraith, ar a dtugaim sraith **A**, 1-87, [87a], 88-115, an chuid is mó den lámhscríbhinn, agus cé go bhfuil na huimhreacha comhaimseartha leis an scríobhaí, nó geall leis, níorbh é Art a scríobh na huimhreacha seo—féach cruth na huimhreach 8 ach go háirithe. Cibé duine a scríobh iad, tá an nóta aige ar bharr lch 87 ‘87 for rem<sup>r</sup> see beginning’. Ciallaíonn sé sin go raibh an lámhscríbhinn trína chéile chomh fada siar leis an 19ú hAois. Uimhriú déanach 1-19 (idir 1900 agus 1950) atá sa chuid eile, agus tugaim sraith **B**, 1\*-19\*, air. Tá 16 leathanach gan áireamh ag deireadh na lámhscríbhinne, ar a dtugaim sraith **C**, [87b]-[87q]. An litir a scríobh Art ar an 27 Aibreán 1852, ní hionann méid na duilleoige ar a bhfuil sí scríofa agus an chuid eile den lámhscríbhinn, agus tá sí ceangailte léi faoi láthair, agus ríofa 9\*-10\*. Is ar an gcineál páipéir sin a scríobhadh 87-[87a], agus cé go bhfuil dánta ar an duilleog seo, labhraíonn Art ina chuid nótaí go díreach leis an bpátrún, ionann is go bhféadfadh sé gur cuid de litir iad an dá leathanach seo. Ní thugtar ach dáta scríofa amháin in COBÁC M20, an 11 Eanáir 1852 (lch 111); pléifear dátaí shraith **B** agus **C** i nóta 1218.

Tugann Ó Buachalla (1969: 71) 1825-52 mar dháta, ach is soiléir gurb é an chéad dáta acu seo, 1825, dáta cumtha cuid mhaith de na dánta—trína gcur i gcomórtas lena bhfuil in C Add. 4436 (19) agus le nótaí Uí Fhiaich agus Uí Chaithnia (1979)). Déarfainn gur scríobhadh an t-iomlán sa bhliain 1852, nó tuairim na bliana sin.

<sup>1119</sup> Ní deir Laoide (1904) cér leis an lámhscríbhinn nuair a scrúdaigh sé í sa bhliain 1904, ach tugann sé an tAth. Mag Mathghamhna, S.P. Dhomhnach Maighean, mar phátrún uirthi. Ní dóigh liom gur le hÉnri Ó Muirgheasa í an uair sin; ní luann sé Art Mhac Bionaid mar fhile ina alt ar fhilí Oiriaila, Bhréifne agus na Mí, Morris (1904). Is é an Canón. Patrick Joseph McMahon (c.1819-1888), S.P. Dhomhnach Maighean, atá ar intinn ag Seosamh Laoide. Fuair sé bás ar an 13 Lúnasa 1888 ar an Ráth Mór, Machaire Rois, Co. Mhuineacháin (OAC, Cláruimhir: 6440213), agus tá nóta air in McKenna (1920a: 360, 388-9). Ó tharla gur athscríobh Laoide cuid mhaith d’áthar COBÁC M20 thart faoin am sin, ní gá scéal mór a dhéanamh de gurbh í COBÁC M20 a bhí i dtrácht aige anseo, agus deimhníonn pláta a cuireadh le Laoide (1904) mar thulmhaisiú an scéal, de leathanach as an lámhscríbhinn, *Treoir.*, 76 §339 n.137, mar aon leis an gcuntas gearr a thugtar uirthi áit eile,

**COFLA D6.** ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’, dánta le Parson Brady (Philip Mac Brádaigh), Pádraig Mac a Liondain, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, ‘Comhairle Choluim Chille’, tomhas, ‘Eachtra agus Comhrac an Mhacaoimh Mhoir Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Bacach na Pléide’ (‘Deilín na mBacach’), ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, ‘Comhrac an Chú Dhuibh’, ‘Eachtra Clann Tomás’ (‘Parliament Chloinne Tomáis’), nótaí ar ghutaí agus ar iolfhoghair na Gaeilge, ‘Cath Bearna Chroise Brighde’, búrdúin agus dánfhocail, cuid acu le Philip Mac Brádaigh, Niall Óg [Mac Murchaidh], Peadar Ó Doirnín, Pól Ó Briain, Art Maguinness, John Kelly, Doctor McIver. 1856-7. [D’Éamonn Augustus Mag Aonghusa].<sup>1120</sup>

---

Cluimim gur sgríobh sé [= Art] cóib de “Thrí Biorghaoithe an Bháis,”<sup>7</sup> leabhartha eile diombainte de. Bhí dórnán amhrán ar cheann aca so<sup>7</sup> rinne sé leabhar díobh fá choinne duine de Mhuinntir Mhathghamhna do bhí<sup>7</sup> na shagart paráiste i nDomhnach Mhaighin i gCondae Mhuineacháin. Ins an bhliadhain 1852 do sgríobh sé an leabhar so, óir, an litir do sgríobh sé chum an tsagairt le n-a chois, tá sí istigh i ngreim ann<sup>7</sup> an dáta sin uirthi. Tá “Seachrán Chairn tSiadhail” ar an aonmhadh ceann déag ins an leabhar ... (Laoide 1904: 13).

Deir sé sa leabhar céanna,

This is third in order in a MS. written by Art Bennett in Forkhill, in 1852. Most of the poems contained therein are those of Peter O’Dornin but many are by Art Mac Covey and Séamus (Dall) Mac Cuarta. ... (Laoide 1904: 37).

Níl de leid againn anois gur scríobh Art an lámhscríbhinn do phátrún ach go dtagraíonn sé do ‘Rev<sup>d</sup> Dear Sir’ éigin sa litir a scríobh sé ar an 27 Aibreán 1852 (lgh 9\*-10\*). Líonann an litir an duilleog ina hiomláine, sa dóigh nach luaitear seoltaí ann áit ar bith. Tosaíonn ‘Seachrán Chairn tSiadhail’ faoi láthair ar lch 13\*, ach má fhágann muid an litir (= lgh 9\*-10\*) as an áireamh leathanach, téann sé sin lena ndúirt Seosamh Laoide (1904: 13) faoin saothar a bheith ‘ar an aonmhadh ceann déag’, ach níl sé sa tríú háit sa lámhscríbhinn. Thug Énrí Ó Muirgheasa eolas breise do Laoide (1904: 153) faoi dháta báis an Chanón. Patrick Joseph McMahon, ach tháinig athrú meoin air faoin bpátrún ina dhiaidh sin,

Father MacMahon was not P.P. of Donaghmoyne till 1877 or 1878, but he died there about 1888 or 1889. He must have been a young curate in 1853.

Creidim gur cheap Énrí Ó Muirgheasa gurbh é an tAth. Ó Luain an pátrún toisc go raibh Art agus an tAth. Ó Luain mór lena chéile, ach níl ann ach tuairim gan bunús ceart. Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn cá bhfuair Seosamh Laoide an t-eolas sin. An é go raibh duilleoga eile sa lámhscríbhinn an uair a scrúdaigh Laoide í? Duine iontach coinsiasach agus cúramach ó thaobh chúrsaí léinn ab ea é Seosamh, agus ní dóigh go n-áiteodh sé sin mura raibh údar maith aige. Luann Ó Muirgheasa (1937: 83) go raibh an Canón. Patrick Joseph McMahon in ann Gaeilge a léamh, agus go léadh sé, ba dhóigh leis, an Bíobla (Bedell) agus *Sermons* (1736) an Easpaig Uí Ghallchobhair le seanuncail de chuid Énrí Uí Muirgheasa, Francis Connolly (*ob.*1882). Cha dtig liom teacht ar ní ar bith a léireodh go raibh aithne ag Art ar an gCanón. Patrick Joseph McMahon, ach go scríobhadh sé dánta chuig an sagart paróiste a bhí i nDomhnach Maighean sna 1840í—an tAth. Séamus Ó Dúiche (*c.*1777-1863) nach ionann é agus an tAth. Séamus Ó Dúiche (*ob.*1858) a áirítear mar scríobhaí i gCaib. 2.157 thíos. Tá dhá dhán de chuid Airt chuig an Ath. Séamus i gcló in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 62-3, 106-8), agus ní fheicim tagairt ar bith iontu nó i nótaí na n-eagarthóirí don Chanón. Patrick Joseph McMahon. Déanfar plé ar chuid d’ábhar na lámhscríbhinne ar ball.

<sup>1120</sup> Féach an cuntas ar an scríobhaí seo i gCaib. 2.38 thuas.

**COFLA D7.** Dánta le Séamus Mac Cuarta, Art Mac Cumhaigh, Peadar Ó Doirnín, Brian Ó Cathaláin, Tomás Ó Loingsigh, Mícheál Ó hEithir ('Seachrán Chairn tSiadhail'), Niall Óg Mac Murchaidh, Pádraig Mac a Liondain, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Séathrún Céitinn, [Cathaoir] Mac Cába, Parson Brady (Philip Mac Brádaigh), Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Nicholas O'Heare, dánfhocail, autograif, laoithe fiannaíochta, 'Fuatha Mhic na Míchomhairle', 'Seanmóir chum an Pheacaigh'. 1855-6. [D'Éamonn Augustus Mag Aonghusa].

**COFLA D8.** Dánta le Séamus Mac Cuarta, Peadar Seoighe, Fiachra Mhac Bhrádaigh, Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Pádraig Mac a Liondain, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Niall Óg Mac Murchaidh, Bonabhentura Ó hEodhasa, Séathrún Céitinn, Tomás Déis, Seán Ó Neachtain, Peadar Ó Doirnín, sailm i nGaeilge, 'Do Phiantaí Ifrinn', 'Comhradh an Anam Dhamanta leis an gCorp', laoithe fiannaíochta, dánfhocail. 1856. D'Éamonn Augustus Mag Aonghusa.

**COFLA D9.** 'Comhradh Caitlicigh agus Éiricigh'. *Marc uisce*: 1855. D'Éamonn Augustus Mag Aonghusa.

**COFLA D10.\*** Formhór di. 'Scáthán Spioradálta an Anma' (leagan an Ath. Pádraig Ó Luain), 'Tiomna re Déanamh ria [m]Bás'. 1856. [D'Éamonn Augustus Mag Aonghusa].

**COFLA D12.** Machnaimh ar Pháis Chríost, 'Oifig an Spioraid Naoimh', 'Urnaithe agus Míniughadh Bealach Naomhtha na Croiche', urnaithe ar Naomh Ioseph, 'Paidrín Naoimh Ioseph', 'Taispeánadh Naoimh Pól', 'Scáthán Shacramuinte na hAithridhe', búrdún le Peadar Ó Doirnín, nótaí ar chonsain na Gaeilge. 1856-7. D'Éamonn Augustus Mag Aonghusa.

**COFLA D13.** ‘Comhradh an Anma agus an Choirp Dhamanta le Chéile’, ‘An Rosary ina Bhéirse’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, ‘Seanmóir ar Pháis Chríosta’. Foirceal, Ard Mhacha. *Marc uisce*: 1855. D’Éamonn Augustus Mag Aonghusa.

**COFLA MF3.** Tráchtas agus dán [le hArt Mhac Bionaid] ar leac Chill na Sagart, Co. Ard Mhacha. *Marc uisce*: 1860.

**LSAA.** Dán le Séamus Mac Cuarta, ‘Eachtra Bhoc Bhaile Bionabaidhe’, ‘Uaigh an Amadáin Mhóir’, tráchtas ar bheatha Chríost, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruidhe’, ábhar eile. 1817. Dó féin.

**LN G536.** ‘Foras Feasa air Éirinn’, rainn. An Baile Caol, Foirceal, Ard Mhacha 1819-20. [Dó féin].<sup>1121</sup>

**LN G636.**\*<sup>1122</sup> ‘Táin Bó Cuailnge’.

**LN G702.** Blogh di. Litreacha, autograif, dánta le hArt Mac Cumhaigh agus Peadar Ó Doirnín. An Baile Caol, Ard Mhacha 1844-50. Do *Roibeard Mac Ádhaimh*.

**LN G802.**\*<sup>1123</sup> Dánta le hArt Mac Cumhaigh, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Peadar Ó Doirnín, Mícheál Ó hEithir (‘Seachrán Chairn tSiadhail’), Niall Óg Mac Murchaidh, Pádraig Mac a Liondain, Séamus Mac Cuarta, ginealach Airt Óig Uí Néill, laoi fiannaíochta, dánfhocail, autograif, ‘Eachtra Bhoc Bhaile Bionabaidhe’. [? Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

**OÉG H4.**†<sup>1124</sup> Formhór di.<sup>1125</sup> ‘Scáthán Spioradálta an Anma’.

---

<sup>1121</sup> Féach an nóta ‘Arthur Bennett’s book’ ar lch x, agus na rainn ar lgh vi, xiii.

<sup>1122</sup> Féach an *N.L.I. Cat.*, xii, 14.

<sup>1123</sup> Féach nóta 1112 thuas.

<sup>1124</sup> Níor aithníodh an pheannaireacht go dtí seo, ach is dóigh liom go réitíonn sí leis an stíl a fheiceann muid sna lámhscríbhinní is sine atá againn ó láimh Airt, LN G536 ach go háirithe. Roimh an mbliain 1827 (féach nóta 1125) a scríobhadh í, agus is ábhar spéise go bhfuil pictiúr beag dúigh curtha ag Art leis an lámhscríbhinn seo a mheabhródh dúinn an líníocht in LN G536, f. 335; féach an pláta in Ó Buachalla (1979: idir 348-9). Is pictiúr de Vulcan atá in OÉG H4, cuma pháistiúil air, agus an nóta seo thart faoi, ‘Vulcan príomh-m[h]ioghistir an duin mhallaidh’ soith shíos—ag so [a]

SPE.<sup>1126</sup> ‘Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile’. 1857-8.

D’Éamonn Mac Aonghusa.

Scríobhadh cuid mhór beathaisnéisí—idir nótaí gearra agus chuntais mhionsonraithe—ar Art Mhac Bionaid, saor cloiche agus scríobhaí Gaeilge, féach Laoide (1904: 12-13, 37-8, 153); Ó Muirgheasa (1915: 157-65, 310-22), a chéadchuir dánta leis i gcló; Ó Tuathail (1934); Mac Airt (1951: 2 col. b); Ó Mórdha (1957: 360-1); Ó Buachalla (1968: 118, 136-48, 154-7, 164-70, 189-202, 258-60, 264 n.9a, 288-90; 1979); Céitinn (Keating 1970; Céitinn 1979); Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 7-32), mar a bhfuil eagrán iomlán dá chuid dánta; Ó Muirí (1994; 2004); agus Hughes (2001: 521-5, 533-4; 2006a: 80-3) ach go háirithe—gan ach cúpla ceann a thabhairt, agus baineadh an-ábhar astu sa chuntas seo. Tugtar coimriú ar an méid seo in *Beath*. 1782-1881, 60 col. b – 61 col. b. Duine de na scríobhaithe

---

fhioghair’, agus ag an mbun, ‘Is mairg a mhealtar leis an c[h]ompanach m[h]allaigh’ soith’, OÉG H4, lch 102. Cuir sin i gcomórtas leis an dá nóta mhínithe in LN G536, f. 335, i dtaobh na límithe atá ann, ‘So feaghar na laimh’ tug fail fa Eirinn ...’ (lámh dhearg Uladh), agus ‘Ag so feaghar a chionn le cumpfaí mhearsaí ...’ An litriú sin *soith* atá sa chéad nóta, tá sé le fáil in LN G536, agus mar shaintréith i lámhscríbhinní eile de chuid Airt.

<sup>1125</sup> An t-iomlán ach na duilleoga a chuir Peadar Ó Gealacáin léi sa chineál peannaireachta a chleachtaigh sé in aois a óige, duilleoga ar ar scríobh sé an méid den ‘Scáthán’ a bhí in easpa nuair a fuair sé seilbh ar an lámhscríbhinn. Tá an 30 Meán Fómhair 1827 curtha mar dháta le nóta uaidh i dtaobh na hoibre deisithe seo. Tugtar eolas faoin lámhscríbhinn in Ó Buachalla (1968: 279). Tá ábhar eile ó lámh Pheadair curtha aige ar ghiotaí páipéir a greamaíodh den taobh istigh de na clúdaigh, agus na píosaí seo ina lámh mhaith fhorbartha, ionann is gur scríobhadh iad i ndiaidh c.1841. Bheifí ag déanamh amach go bhfuair Peadar an lámhscríbhinn go díreach ó Art, agus gurb aisteach an rud é nach luann Peadar ainm an scríobhaí ina chuid nótaí, mar a dhéanann sé áiteacha eile, ach is dóigh go raibh sí ag léitheoirí eile idir an dá linn—féach gur shínigh ‘Proinsias O Fairiallaigh’ i, OÉG H4, lch 170 (imeall uachtarach). Dealraíonn sé gurb ionann eisean agus an scoláire Francis Farrelly, seanchara de chuid Pheadair, ag a raibh ARÉ 23C1 (371) ar feadh tamaill. D’fhág baintreach Francis ARÉ 23C1 (371) ag Peadar sa bhliain 1847 tar éis a bháis—féach an *R.I.A. Cat.*, 1003, agus Ó Buachalla (1968: 280-1). Bhí Francis marbh le roinnt blianta an uair sin, óir deir Peadar i nóta le lámhscríbhinn eile a dheisigh sé an 19 Lúnasa 1841, COBÁC C4, go raibh sí idir lámha ag ‘the late Francis Farrelly’. Féach nóta 3500. Tá tagairtí ag de Brún (2009: 233) do ghiotaí i lámhscríbhinn de chuid Pheadair, C Add. 6563 (42), giotaí a fuair Peadar ó bhéal Francis Farrelly, agus a scríobh sé tuairim agus an 19 Nollaig 1827. Is doiligh smaoineamh ar lámhscríbhinní eile a bhí ina chnuasach, ach tugann Peadar ‘an eminent Irish scholar’ air sa nóta a chuir sé le ARÉ 23C1 (371); ba in Tullypole, paróiste Mhaigh nEalta a bhí cónaí air. Níl leagan sásúil Gaeilge den log ‘Tullypole’ ar fáil. Bhí OÉG H4 ag Peadar Ó Gealacáin ón mbliain 1827 go dtí an bhliain 1854 nuair a dhíol sé le Roibeard Mac Ádhaimh í, más ceart an scéal atá ag Ó Buachalla (1968: 242 n.5) fúithi, ach ní hionann sin agus a rá go gcaithfidh sé gurbh ó Francis a fuair Peadar an leabhar, óir is féidir gur thug Peadar tamall di dó am ar bith idir 1827 agus aimsir a bháis, roimh 1841. Máistir eile de chuid an *Irish Society* ab ea Francis, agus tá cúpla nóta air in de Brún (2009: 233-4) arbh fhiú iad a léamh taobh leis an nóta thuas.

<sup>1126</sup> Gheofar fotachóip den lámhscríbhinn seo in PRONI T3237/1.

ba thábhachtaí agus ba cháiliúla de chuid na 19ú hAoise is ea Art Mhac Bionaid; agus d’fhéadfaí a rá gur tháinig deireadh le ré na scríobhaithe traidisiúnta sa tír seo nuair a d’éag sé in 1879, agus nuair a d’éag Seosamh Ó Longáin (1817-1880), an scríobhaí Muimhneach, i mBaile Átha Cliath bliain ina dhiaidh sin. Is iomaí áit a bhfuil samplaí de pheannaireacht Airt i bprionta: féach na tultmhaisithe nó plátaí in Laoide (1904), Ó Muirí (1994), Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: idir 24-25), Ó Buachalla (1979: idir 348-9), agus Ó Doibhlin (1999-2000: 119; 2006: 160).

Mac le John Bennett a bhí in Art Mhac Bionaid, agus ba é Art a ghearr agus a thóg a leac uaigne. Ar an 6 Samhain 1760 a rugadh John,<sup>1127</sup> agus bhí cónaí ar an teaghlach ar an mBaile Caol chomh fada siar leis an 12 Eanáir 1809, an lá ar scríobh John a ainm agus a ionad cónaithe ar dhuilleog i gcóip den leabhar urnaithe *Supplement to the Manual of Catholic Piety* (1808).<sup>1128</sup> Ba dhóigh le Margaret Bennett, garíníon le John Bennett (1804—) —an deartháir ab óige a bhí ag Art—gurbh oilte i bhfad athair Airt ná Art é féin, mar a thugtar le fios sa nóta seo a phriontáil Keating (1970: [13]),

Art’s grandniece, Miss Margaret Bennett, says that John was a much greater scholar than Art and that he wrote to Cardinal Newman.

D’fhág John againn liosta beag dátaí ar a bhfuil taifead ar a dháta breithe féin, dáta a phósta, agus na blianta inar rugadh a chuid páistí. Tagraítear fosta do Patt Bennett a fuair bás an 21 Meán Fómhair 1776, ach ní fios dom cérbh é.<sup>1129</sup> Dealraíonn sé nach bhfuil taifead ar ainm mháthair Airt, ach gur phós sí John Bennett ar an 13 Deireadh

---

<sup>1127</sup> Féach nóta 1131.

<sup>1128</sup> Tagraíonn Ó Tuathail (1934: 32) don nóta sealbhóra a scríobh John Bennett ar an 12 Eanáir 1809 ar dhuilleog scaoilte ón *Supplement to the Manual of Catholic Piety* (1808), ‘John Bennett’s Book, Forkhill, Townland of Ballykeel. B<sup>1</sup> [? Bought] January the 12<sup>th</sup> 1809. Price 1<sup>s</sup> 7½<sup>d</sup> ...’ Rinne mé ceartú ar an bponcaíocht. Tá an duilleog greamaithe den leathanach atá os comhair lch 1 in CM T2 (ol. D5).

<sup>1129</sup> Féach nóta 1131.

Fómhair 1785,<sup>1130</sup> agus gur rugadh dóibh seachtar clainne, nó tá liosta de na páistí seo ar leathanach scaoilte istigh le COFLA D10: ‘... Michael Born 1786, Mary Born 1790, Arthur Born 1793, Eals Born 1795, Patt Born 1799, Cathrine Born 1802, John Born 1804’.<sup>1131</sup> Is dóigh le hÓ Tuathail (1934: 32), an chéad duine a chuir cló ar na nótaí seo agus a thuig goidé a bhí iontu, gur ceart *Alice* a léamh i gcionn *Eals* thuas. Téann sé sin, agus cuid mhaith de na hainmneacha eile, lena bhfuil ar eolas againn faoi chlann Airt é féin.

Níl mórán ar eolas faoina dheartháireacha ná a dheirfiúracha, ach gur fhoghlaim an mac ba shine sa teaghlach, Michael Bennett (*q.v.*), scríobh na Gaeilge, agus is follas gurbh fhear oilte é athair Airt fosta: cuireann Ó Buachalla (1979: 342) i gcuimhne dúinn gur tógadh é i dteach agus i ndúiche ina raibh mórán obair chóipeála ar siúl le fada an lá,

Is léir go raibh taithí as a óige ag Art ar LSS a bheith timpeall air ní amháin i dtithe na gcomharsan ach i dtigh a athar féin agus is dóichí gur tré aithris a dhéanamh ar na LSS sin a d’fhoghlaim sé féin scríobh na Gaeilge (go deimhin tá cosúlachtaí nach beag idir lámh Uí Dhoirnín agus lámh Airt). Is ar éigean a fuair sé aon tabhairt suas gairmiúil sa ghrafnóireacht Gaeilge mar ní róchrúinn an scríobhaí é. Ba chruinne i hbfad [*sic*] a bhí scríobh an Bhéarla aige ach is dóichí gur ar scoil a d’fhoghlaim sé é sin mar níl aon dabht ach go bhfuil rian na scoile ar a pheannaireacht sa teanga sin.

---

<sup>1130</sup> Féach nóta 1131.

<sup>1131</sup> COFLA D10, duilleog (*a*). Tugaim anseo leagan iomlán den nóta, le go mbeidh an léitheoir in ann a bhrí féin a bhaint as, ach táim sásta go ndearna Ó Tuathail (1934) an léamh ceart ar an eolas a thugtar ann.

‘Jn<sup>o</sup> Bennett Born November the 6<sup>th</sup> 1760. Married october the 13<sup>th</sup> 1785. Patt Bennett [—— Born] \Died/ september the 21<sup>st</sup> 1776. Michael Born 1786. Mary Born 1790. Arthur Born 1793. Eals Born 1795. Patt Born 1799. Cathrine Born 1802. John Born 1804’, COFLA D10, duilleog (*a*).

Ní dhearna mé d’athrú ar an lámhscríbhinn thuas ach lánstadanna a bhrú isteach. Léigh Ó Tuathail (1934: 32) agus Ó Fiannachta (1980: 14) ‘Patt Bennett Died September the 25<sup>st</sup> [*sic*] 1776’ (Ó Tuathail 1934: 32) ach is é rud atá ann, *I* cuartha seachas 5, agus léim an 21 Meán Fómhair 1776. Cuireadh athchló ar na nótaí sin i mbeagnach gach alt nó leabhar a phléann beatha Airt Mhic Bhionaid, m.sh. Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 8), Ó Muirí (1994: 4), agus i saothair cúpla duine eile.



Ghraf Michael COFLA D3 (*a*) sa bhliain 1810, agus is láidir na cosúlachtaí idir a chuid peannaireachta agus na hiarrachtaí is sine atá againn ó lámh Airt. Ní fios cár cuireadh oiliúint ar Art in aois a óige ach oiread, ach chonaic muid thuas gur tuigeadh d'Ó Buachalla (1979: 342) gur chaith sé seal ag freastal ar scoil éigin ina raibh scríobh an Bhéarla á theagasc. Is dóigh le hÓ Fiaich & Ó Caithnia (1979: 12) gur fhreastail sé ar cheann de na scoileanna a bunaíodh sa dúiche le liúntais Squire Jackson, ach níl ann ach tuairimíocht. Ba dhóigh le Margaret Bennett, mar a scríobh Séamas Céitinn (Keating 1970: [13]; Céitinn 1979: 1), gurbh é athair Airt a thug teagasc dó. Is follas, cibé rud é, gur chuid lárnach de shaol Airt riamh an léann, agus nárbh i lámhscríbhinní Gaeilge amháin a chuir sé spéis. Lean sé ceird an tsaoir chloiche, cé go dtugtar scológ air i roinnt taifid oifigiúla.

Dealraíonn sé gur cailleadh formhór na lámhscríbhinní a chuir Art le chéile in aois a óige ach tá luathiaracht dá chuid a ghraf sé sa bhliain 1817 ar coimeád i Leabharlann na Staire Áitiúla, Ard Mhacha. Is é an 3 Deireadh Fómhair 1817 an chéad dáta a thugtar inti,<sup>1132</sup> agus, mar a deir Ó Muirí (1994: 76), tá 'rian an phrintísigh' uirthi. Is é an 31 Nollaig 1817 an dáta is déanaí atá inti,<sup>1133</sup> ní a chiallaíonn go raibh Art 24 bliana d'aois nuair a ghraf sé í. Thosaigh sé ar chumadh na filíochta chomh luath leis an mbliain 1817 fosta, óir is é an iarracht is luaithe dá chuid atá againn, b'fhéidir, an tuireamh a chum sé ar an Ath. Pádraig Ó hAnluain, a cailleadh an 25 Bealtaine 1817 (Ó Muirí 1994: 77). Thosaigh Art a scríobh na chéad lámhscríbhinne eile atá againn óna lámh, LN G536, ar cóip de 'Foras Feasa air Éirinn' í, sa bhliain 1819. Grafadh ar an mBaile Caol í. Chuir Art deireadh leis an dara leabhar den saothar ar an 22 Lúnasa 1819,<sup>1134</sup> agus na ginealaigh ar an 28 Meán

---

<sup>1132</sup> SPAA, lch 11. Féach Ó Muirí (1994: 76-7), áit a ndéantar plé ar an lámhscríbhinn seo.

<sup>1133</sup> SPAA, lch 124.

<sup>1134</sup> LN G536, lch 187.

Fómhair 1819.<sup>1135</sup> Chuir sé breiseanna leis an lámhscríbhinn sa bhliain 1820,<sup>1136</sup> agus níl mórán eile againn dár ghráf sé sna 1820í. Scríobh sé giota eile, an t-amhrán ‘Domhnall na Gréine’, ar an 9 Márta 1821.<sup>1137</sup> Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, ar an 28 Bealtaine 1821, glacadh an chéad daonáireamh cuimsitheach ar Éirinn, *Daonáireamh na hÉireann*, 1821, agus cé gur dódh an chuid is mó de, cóipeáladh na tuairisceáin do pharóiste Fhoirceal roimhe sin, agus tá siad ar coimeád in PRONI. D’aimsigh Pádraig de Brún tagairt iontu do Arthur Bennett ón mBaile Caol ina dtugtar le fios gur scológ é, 27 mbliana d’aois, agus go raibh sé pósta ag an am sin (de Brún 2009: 137). Is eol dúinn go dtugtaí Mary Bennett ar a bhean, agus tugann Aodh Mhac Domhnaill [2] Máire uirthi i ndán dá chuid,<sup>1138</sup> ach chuaigh díom a sloinne breithe a aimsiú i dtaifead oifigiúil ar bith: dúradh go háitiúil gur de mhuintir Judy McCann ón gCoillidh í, sa dóigh go nglacann Ní Uallacháin (2003: 162 *n.6*) leis gurbh í Máire Nic Cana ab ainm breithe di, agus is dóigh nár dhearmad sin di.<sup>1139</sup> Mar gheall ar staidéir a rinne Céitinn (1979) agus Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 25, 27) ar thraidisiúin éagsúla a bailíodh go luath san 20ú hAois—ní a leanann Ó Muirí (1994: 4-6) agus Ní Uallacháin (2003: 162 *n.6*)—tá déanta amach acu gur féidir go raibh suas le seisear páistí ag Art Mhac Bionaid agus a bhean Máire. Is doiligh a bheith cinnte anois toisc nach bhfuil cláir baistí ar fáil don tréimhse sin i

<sup>1135</sup> LN G536, f. 335.

<sup>1136</sup> LN G536, lgh v (Eanáir 1820), xii (an 15 Samhain 1820).

<sup>1137</sup> ARÉ 24L22 (771). Féach Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 14).

<sup>1138</sup> Féach ll. 17-18, ‘Ná dearmad ach tabhair leat Máire, / An bhean a thug barr le haoibh’ in *Nach tuirseach mo thuras fán tráth seo*. Tá an dán seo i gcló in Beckett (1987: 71-2).

<sup>1139</sup> Deir Ní Uallacháin (2003: 162 *n.6*): ‘His wife was Mary McCann of Quilly, Mullaghban, who died 1876. One of her relatives, Paddy ‘Judy’ McCann who died in 1982, aged *c.*90, recalled that there was bad feeling for generations between the McCanns and the Bennetts due to Art’s reputed treatment of his wife Mary’. Fuair Máire bás ar an 12 Nollaig 1885; féach Aguisín 8. Cuimhníodh air go háitiúil fosta, mar a dúirt an tAth. Séan Ó Néill i litir chuig Séamus P. Ó Mórdha, an 12 Nollaig 1956, gur chaith Art a chuid airgid ar leabhair, ‘Art had a great reputation for learning, spent all his spare money on books ...’. Tá an litir i gcló in Ó Muirí (1994: 11-13).

bparóiste Fhoirceal:<sup>1140</sup> thig linn glacadh leis go raibh beirt iníonacha acu darbh ainm Katie Murnin (c.1829-1917) agus Ally Bennett (c.1832-1898),<sup>1141</sup> na ‘sturdy daughters’ a chuidíodh le hArt (Regan 1959: 431) agus é ag obair mar shaor cloiche, an bheirt a thug aire dó, de réir an tseanchais, ag deireadh a shaoil; iníon eile a fuair bás in aois a 15 bliana ar an 15 Feabhra 1846, mar a deir Art i litir chuig Roibeard Mac Ádhaimh—níl teacht ar a hainm;<sup>1142</sup> agus mac darbh ainm John Bennett (fl.1846-9) a d’imigh go Sasana.<sup>1143</sup> Tá dealramh na fírinne ar an méid seo, ach chualathas scéalta sa dúiche faoi mhac eile a bheith aige, Peter Bennett (c.1826/30-1876),<sup>1144</sup> a bádh agus é ag teacht ó Phátrún Chill Shléibhe go dtí a theach ar an

<sup>1140</sup> Is mór an chaill é nach dtosaíonn clár na bpóstaí i bparóiste Fhoirceal go dtí an bhliain 1844, agus clár na mbaistí, ach go mórmhór, go dtí an bhliain 1845. Dá mbeadh na taifid sin againn, bheifí in ann cuntas measartha cruinn a thabhairt ar an méid páistí a bhí ag Art agus ag Máire, seachas marbhghin nó beirt, b’fhéidir, agus bheadh sloinne breithe Mháire ar eolas againn fosta. Más fíor don seanchas áitiúil a bailíodh san 20ú hAois, rugadh seisear páistí d’Art agus do Mháire, ach níor mhiste smaoineamh air gur sloinne iontach coitianta sa pharóiste é Mac Bionaid, agus go bhféadfadh le duine ar bith glúnta de sheanteaghlaiigh agus craobhacha a chur trína chéile gan dua, tharla gur dócha go raibh cineál de pháirt ag gach duine dar shloinne Mac Bionaid (Bennett) sa Bhaile Caol lena chéile. Measaim féin gur pháistí le hArt agus le Máire an ceathrar seo a luaítear thuas—Alice ‘Ally’ Bennett (c.1832-1898); Catherine ‘Katie’ Murnin (c.1829-1917); John Bennett (fl.1846-9); agus an iníon a fuair bás sa bhliain 1846. Níl in ann aon rud a rá faoin iníon a deirtear a d’imigh go Meiriceá tuairim na bliana 1842, ach tá mé in amhras mór gur mhac leo é an Peter Bennett a bádh sa bhliain 1876, ar ábhair a phléitear in Aguisín 8 thíos. Tugaim coimriú ar bheatha gach duine de na páistí faoi seach sa bheathaisnéis seo, ach is san aguisín amháin a thugtar an t-eolas mion atá ag teastáil lena gceangal le hArt agus le Máire. Pléitear dáta báis Mháire san áit chéanna.

<sup>1141</sup> Alice Bennett—is dóigh gur fhan sí sa bhaile lena máthair tar éis bhás Airt, agus don chuid eile dá saol. Cailleadh í ar an 2 Bealtaine 1898 in aois a 66 bliana, dar lena deirfiúr, ar an mBaile Caol. Catherine (Katie) Murnin—an deirfiúr a chláraighe bás Alice. Ba le linn di a bheith ina searbhontaí in Ballyweely, Co. an Dúin, a phós sí Henry Murnin ar an 4 Iúil 1873, nuair a bhí an dá scór sárarthe aici. Ní hiontas nár rugadh páistí dóibh, agus tugadh £100 di nuair a fuair a fear céile bás sa bhliain 1892. D’fhill sí ar an mBaile Caol, agus d’fhan sí ann go dtí go bhfuair a deirfiúr bás. Bhog sí go teach eile ina dhiaidh sin sa bhaile fearainn céanna, agus fuair sí bás ann ar an 16 Feabhra 1917, agus í thart faoi 88 mbliana d’aois. Tugtar eolas breise in Aguisín 8. [Níl leagan deimhnithe Gaeilge den log ‘Ballyweely’ ar fáil go fóill].

<sup>1142</sup> LN G702(15), mír 4. Litir chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 15 Feabhra 1846. Féach an cuntas thuas agus Aguisín 8.

<sup>1143</sup> Tagraíonn Art faoi dhó dá mhac ina chuid litreacha: (1) ‘... my boy is very, very ill’, litir chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 25 Eanáir 1846 (marc poist), LN G702(15), mír 2; (2) ‘The bearer, my son, was going to Lisburn to see a daughter of mine that is hired there. ... The bearer is anxious to try other parts for employment’, litir dar dáta an 3 Aibreán 1849, LN G702(18), mír 1. Tá an dá shliocht seo i gcló in Ó Mórdha (1957: 370, 377). Glacann Ó Mórdha (1957: 377 n.2) leis gurb é John Bennett an mac seo. D’imigh John Bennett go Learpholl, ag tabhairt leis cnuasach de lámhscríbhinní Gaeilge (Donnellan 1908: 67), agus níor chualathas trácht air ina dhiaidh sin. Féach Aguisín 8.

<sup>1144</sup> Is doiligh a rá ar cheart don bhéaloideas seo ar chor ar bith; tá argóintí ann ar a shon agus ina choinne, gan amhras. Ní ceist dúinn gur bádhdh duine darbh ainm Peter Bennett gar d’Achadh an Dá nUaimh ar an 14 Samhain 1876, ach ní féidir a rá gur mhac le hArt agus le Máire é. Féach arís Aguisín 8.

mBaile Caol; sin agus go raibh iníon anaithnid eile aige a chuaigh go Meiriceá agus í ag iompar tuairim na bliana 1842.<sup>1145</sup> Is doiligh, áfach, meabhair a bhaint as na traidisiúin sin, scéal Peter ach go háirithe. Níor nós d'Art ainmneacha a chuid páistí a lua ina chuid litreacha ach 'one of my daughters' agus 'my boy' nó 'my son' scaití: b'fhéidir go dtuigfí ón dóigh a luann Art an mac seo nach raibh aige ach aon mhac amháin. Ba dhoiligh seasamh amháin nó eile a ghlacadh ar an gceist sin leis an mbeagán eolais atá againn faoi chlann Airt agus Mháire. Cailleadh John Bennett, a athair, ar an 6 Nollaig 1829.<sup>1146</sup>

Mura bhfuil ach beagán againn dár ghraf Art de lámhscríbhinní Gaeilge sna 1820í, ní hionann sin agus a rá nach eol dúinn go raibh sé gníomhach thart faoin am sin.

Tugtar a ainm ar rollaí pá an *Irish Society* idir Samhain 1825 agus Bealtaine 1827 (de Brún 2009: 137). Is follas gur chuir sé aithne ar an Ath. Pádraig Ó Luain (nuair a bhí sé fós ina Phádraig) timpeall an ama sin, tharla go bhfuil roinnt píosáí a chum Art i lámhscríbhinn a bhreac Pádraig sa bhliain 1825. Ghraf Art féin lámhscríbhinn bheag lán le filíocht dhéanach an cheantair idir mí na Nollag 1831 agus mí Eanáir 1832, lámhscríbhinn a bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh seilbh uirthi roimh an mbliain 1852.<sup>1147</sup> Thagair cuid mhaith údar don bhearna seo i saothar Airt, agus do

---

<sup>1145</sup> Deir Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 27) go ndeachaigh iníon le hArt agus le Máire thar sáile, ach is doiligh tomhas a dhéanamh ar chruinneas na scéalta seo toisc a dhoiléire atá siad, agus an tréimhse lena mbaineann siad—tuairim is an bhliain 1842. Déantar plé gairid uirthi in Aguisín 8.

<sup>1146</sup> Tugtar an dáta báis ar an leac a ghearr Art dó, agus a thóg sé ar a uaigh sa Mhullach Bán. Féach Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 10).

<sup>1147</sup> C Add. 3085 (a) (10). Cheangail Archer and Sons an lámhscríbhinn seo (de Brún & Herbert 1986: 15 col. b) agus trí ghiota eile le chéile—agus tuairim mhaith againn go ndearnadh sin sa bhliain 1852 faoi choinne an Taispeántais a cuireadh ar siúl sa Belfast Academy an bhliain chéanna. Tugtar cuid mhaith réamheolais ina thaobh sa réamhrá le de Brún & Herbert (1986: xv col. a). Trí na ceangail féin a cuireadh ar na lámhscríbhinní is mó is féidir iad a aithint anois, ach ní féidir a dhearbhu, ar ndóigh, gur ceanglaíodh iad uilig ag an am céanna don Taispeántas sin. Féach na nótaí a scríobhadh i dtaobh na gceangal seo in Ó Buachalla (1968: 223-6), Ó Cuív (1969-70: 144-6), de Brún & Herbert (1986: xv col. a), agus de Brún (1999: 87-8). Bhí Peadar Ó Gealacháin fostaithe ag Roibeard Mac Ádhaimh le cuntais chatalóige a scríobh ar a chnuasach [? i Meitheamh 1851; féach Aguisín 15 thíos] go gairid sular cuireadh ceangal úr orthu sa bhliain 1852. Ba bheag an gar a bhí sna catalóga i ndiaidh do Roibeard Mac Ádhaimh na leabhair a chur á gceangal, ós rud é gurbh ar thoirt agus ar mhéid na lámhscríbhinní a chinn na ceangaltóirí ar leabhair éagsúla a chur le chéile faoi aon chlúdach amháin.

na mantanna céanna atá ann i saothair cuid mhaith dá lucht comhaimsire, iad siúd a bhí ag fáil díolaíocht ón *Irish Society* ach go háirithe. Tugann Ó Muirí (1994: 77) an míniú seo ar an easpa lámhscríbhinní,

Ó 1831 go 1842 titeann scáil thar a bheatha. Ní mhaireann lámhscríbhinn dá chuid ó na deich mbliana sin. Bhí traidisiún tráth ar an Mhullach Bán gur chaith Art seal aimsire i Sasana áit ar chleacht sé ceird an tsoir chloiche. Fuair a athair bás i 1829. Bhí Art pósta faoin am sin agus cúram páistí air. Is féidir mar sin gurbh éigean dó dul ar an choigríoch i Sasana nó in Éirinn lena chuid a shaothrú agus go míníonn sin an bhearna. Ar an taobh eile de tá an seans ann go dtiocfar ar scríbhinní eile leis. Níorbh é an cineál duine é a d'fágfadh [*sic*] a pheann ar leataobh.

Is eol dúinn go raibh Art ag cuidiú le Roibeard Mac Ádhaimh faoi dheireadh na bliana 1842, óir tá sraith nótaí agus focal in LPBF 30 (*e*) a bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh cuid acu ó ‘Arthur Bennett 1842’.<sup>1148</sup> Tchífead sa chuntas ar Aodh Mhac Domhnaill [2] thíos, an scríobhaí lenarbh fhlaithiúla agus lenar thabharthaí Roibeard Mac Ádhaimh ná éinne eile, go raibh seisean tar éis tosú ar lámhscríbhinní a bhailiú do Roibeard Mac Ádhaimh faoi mhí na Nollag 1842, agus go raibh sé ag cur faoi i mBéal Feirste le corradh agus bliain faoin am sin. Is doiligh a rá, ar an ábhar sin, cé acu a chuir an duine eile in aithne do Roibeard Mac Ádhaimh, má chuir ar chor ar bith. Ba dhóigh le hÓ Mórdha (1957: 363) gur casadh Art agus Aodh ar a chéile den chéad uair nuair a bhí Aodh ar thóir lámhscríbhinní le cóipeáil agus le ceannach ar son Roibeard Mhic Ádhaimh sa bhliain 1842. Tá a fhios againn go raibh Aodh sa dúiche ina raibh cónaí ar Art thart faoi mhí na Nollag 1842; thug Aodh leis ar iasacht

---

Fágann sin go mbíonn againn i gcuid de na leabhair suas le ceithre lámhscríbhinn aonair ó cheart, agus gan an frídín is lú de bhaint acu lena chéile go dtí sin ó thaobh na staire de. Tchífead i nóta 1978 thíos gur ceanglaíodh taobh istigh dá chéile dhá lámhscríbhinn bheaga le Toirdhealbhach Mhag Uidhir a fuair Roibeard Mac Ádhaimh i dteannta a chéile, agus gur baineadh duilleoga leochaileacha nó dreithe ó lámhscríbhinní nuair nárbh éasca iad a chur faoi cheangal—féach an dá ghiota d’aon lámhscríbhinn amháin le Matha Mac Giolla atá againn, an chéad ghiota istigh le trí lámhscríbhinn eile in Cambridge, C Add. 3085 (10), agus an ceann eile, OB G7, i measc na lámhscríbhinní a bhíodh in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste.

<sup>1148</sup> LPBF 30 (*e*); féach Ó Buachalla (1962: 26).

an mhí sin lámhscríbhinn ar le Patrick McGeough (fl.1843-54) ón Lorgain Chaoil, Co. Lú, í.<sup>1149</sup> Leanann Beckett (1987: 138) an méid sin, ach is féidir go raibh aithne ag Aodh agus Art ar a chéile i bhfad roimhe sin. Ba bhaill iad Art agus Aodh araon den *Irish Society*, mar a chonaic muid sna tagairtí thuas, agus is ábhar spéise gur tharla lámhscríbhinn eile de chuid Airt i gcnuasach Pheadair Uí Ghealacháin thart faoin mbliain 1827,<sup>1150</sup> agus go raibh sí ag Proinsias Ó Faircheallaigh (.i. Francis Farrelly) go gairid roimhe sin. Lámhscríbhinn eile a chaith seal i gcnuasach Airt is ea í ARÉ 24P4 (92), agus bhí sí á léamh am éigin sa chéad leath den 19ú hAois ag Séamus Ó Brinn arb ionann é, is dóigh, agus an scoláire darbh ainm sin ón gCill Bheag, Co. na Mí. Sin leid eile go raibh teagmháil déanta ag Art le scríobhaithe Cho. na Mí chomh fada siar leis na 1820í, agus dhealródh sé gur féidir gur chuir sé aithne ar Aodh thart faoin am sin. Níl aon rud ar taifead faoi imeachtaí Airt sa bhliain 1843, ach gur ghlac sé cor leis an gcuntas a tugadh ar Pheadar Ó Doirnín ar *The Dublin Weekly Nation (The Nation)* an 1 Aibreán 1843, sa dóigh gur sheol sé beathaisnéis dá chumadh féin chuig eagarthóir *The Nation*, ní a cuireadh i gcló ar an bpáipéar céanna an 20 Bealtaine 1843.<sup>1151</sup> Is í an tréimhse idir na blianta 1844 agus 1850 na blianta

<sup>1149</sup> Féach an litir, LN G702(5), a scríobh Patrick McGeough (fl.1843-54) ón Lorgain Chaoil, Fochaird, Co. Lú, chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 18 Samhain 1843. Tá sí i gcló in Ó Mórdha (1958c: 170) agus in Ó Buachalla (1968: 116-17). Tugtar nóta beathaisnéise ar Patrick McGeough in Ó Mórdha (1958c: 158). Féach fosta go luann Mac Labhraí (2005: 256; 2013: 17) gur scríobh Michael McGeough éigin a ainm ar COBÁC M15<sup>1</sup> ar an 6 Meitheamh 1819. Deir Ó Mórdha (1958c: 158), agus é ag tarraingt ar chatalóg Dempsey (1918), gurbh é Michael McGeough a scríobh LPBF 6. Comhleabhar atá in LPBF 6, agus ní dóigh gur scríobh Michael McGeough aon chuid de na téacsanna atá inti.

<sup>1150</sup> OÉG H4.

<sup>1151</sup> Deirtear ar an *Dublin Weekly Nation*, an 20 Bealtaine 1843, gur scríobh ‘A Forkhill Correspondant’ an dara cuntas, agus ligeann an tAth. Pádraig Ó Luain dúinn an duine seo a cheangal le hArt: scríobh sé ar an 15 Samhain 1844, ‘I remember there was a history given in a number of *The Nation* last year but which history was contradicted in the next number by Arthur Bennett of Ballykeel, Forkhill, County Armagh. Who of them was right I know not’, LN G389(9); i gcló in Ó Buachalla (1965: 128). Tugann an tAth. Ó Luain tagairt bheacht sa chéad litir eile a scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh ar an 5 Nollaig 1844, ‘... in *The Nation* of 1st April 1843, p. 393 and to which Bennett replied in *The Nation*, 20th May 1843, p. 506’, LN G702(12); féach Ó Buachalla (1965: 132-3). Tá a fhios againn go léadh Art na páipéir náisiúnta; féach na traidisiúin bhéil a bailíodh ina thaobh sa chomharsanacht san 20ú hAois in Ó Muirí (1994: 12).

arb eolaí muid orthu ná aon tréimhse eile i saol Airt, má tá níos mó lámhscríbhinní againn uaidh do na blianta idir 1855 agus 1860.

Dhealródh sé go mbíodh Art agus Roibeard Mac Ádhaimh ag eagnaíocht lena chéile ón tús amach, áfach, sa dóigh nach bhfuil sraith leanúnach litreacha againn, ach comhfhreagras bearnach ar féidir trí ghrúpa a dhéanamh de de réir dátaí scríofa: 1844-5, 1846, 1849-50. Tá an chuma ar na litreacha, mar gheall ar na dátaí atá orthu, go bhfuil méid éigin dár chuir Art chuig Roibeard sa chéad áit ar neamhní, ach ní dóigh gur cailleadh mórán de na litreacha: ní amháin nó eile a bheith ina chnámh spairne eatarthu is ábhar leis na bearnaí seo go príomha, ach ní hionann sin agus a rá go raibh an locht ar Art i gcónaí. Chuir Ó Buachalla (1965) cúpla litir a scríobh Art—agus an tAth. Pádraig Ó Luain—chuig Seán Ó Dálaigh idir na blianta 1844 agus 1845 i gcló fosta. Cuimhnítear air gurbh i bpáipéir Roibeaird Mhic Ádhaimh in LN G702 a fuarthas na litreacha a scríobh Art chuige, ach níl na litreacha a scríobh Roibeard Mac Ádhaimh againn, óir níor nós dó, is dóigh, cóipeanna díobh a choinneáil. Fágann sin nach bhfuil d’eolas againn ar na freagraí a cuireadh chuig Art ach cúpla tagairt inmheánach i litreacha Airt féin, agus nach bhfuil againn ach leath den scéal. Ba in Ó Mórdha (1957) a priontáladh an chuid is mó díobh den chéad uair, ach tá sleachta astu i gcuid mhaith leabhar eile. Bainim úsáid as na heagraín atá in Ó Mórdha (1957) agus Ó Buachalla (1965) den chuid is mó.

An chéad litir atá againn dár sheol Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh, ba ar an 29 Lúnasa 1844 a scríobhadh í ar an mBaile Caol,

I presume Mr. Hugh Mac Donnell told you of the Irish Statutes Book that he had seen with me. Mur dubhart a’ seannach le mala an phiobaire, tá biadh agus ceol iontu. Ma ta gradh sionsioracht agad freasdail iad go ro luath. If you be anxious for them four volumes, let me know by return of Post. They would adorn your library very much. I will give them well worth money

(sic). They are a monument of great antiquity and will be valued by the rising generation more than the present. If I make a present of them in a little while I will get double their worth. However, I give the first offer. I will await your ansr.<sup>1152</sup>

Ba í an spéis a chuir Art i gcúrsaí staire ab ábhar leis na leabhair staitiúidí seo a bheith aige, agus is dóigh go raibh sé beartaithe aige faoin am seo cheana leabhar a scríobh ar stair na hÉireann ó Ré Eilís I anuas. Ní fios dúinn ar cheannaigh Roibeard Mac Ádhaimh iad. An chéad litir eile atá againn ó láimh Airt, rud a scríobhadh an 23 Meán Fómhair 1844, léiríonn sí an tuiscint a bhí ag Art ar an mbascadh a rinne scríobhaithe áirithe ar théacsanna trí aineolas agus eile, ní a luann cúpla duine eile dá lucht comhaimsire i litreacha éagsúla,

Please read this sheet very minutely and in good sense. You'll find it absolutely that, if you be inclined to commit your Irish manuscript to press or any part of them, that they require to be revised and corrected. Many errors have crept in by incorrect transcribers. A writer would require to be well versed in the history of his country, in the history of the language and of the poets, and be competent in that department. These requisites being strictly attended to and submitted to the press will cause your name and memory to be sung in Ireland an fad a bhiadh is fraoch a fas ar shliabh Guleann, agus biadh sin an go deiradh amsire. I will expect a full letter from you before I will send any more. I can get Peter O'Durnin's Irish copy of Keatings' His[tory]. I have assured the owner you will give the full value for it. Mention when you will be in Newry that I may carry it to you as it can't go by post, or name any house in Newry that could get [it] conveyed to you. You could send a post office order for the price of it together with your own name and price in return. This will please the seller, it will keep me free of blame and not injure you. Sin a' chaoire slain agus a madeath saighteach. Mention the first pieces you want next.<sup>1153</sup>

D'aithin Ó Mórdha (1957: 365 *n.2*) agus Ó Buachalla (1968: 137 *n.3a*) LN G190 ar an lámhscríbhinn atá faoi thrácht ag Art anseo, ach is mór an trua nach luann sé ainm

<sup>1152</sup> LN G702(9), mír 1, an 29 Lúnasa 1844. Tá an litir i gcló in Ó Mórdha (1957: 364).

<sup>1153</sup> LN G702(9), mír 2, an 23 Meán Fómhair 1844; Ó Mórdha (1957: 365).



an úinéara ag a raibh sí an uair sin, óir is beag atá ar eolas againn faoi stair na lámhscríbhinne seo ón am ar ghraf Peadar Ó Doirnín í go dtí go bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh greim uirthi. Léigh Séamus P. Ó Mórdha ar na tagairtí a dhéanann Art do chruinneas na lámhscríbhinní agus eile go raibh sé eolach air go raibh beartaithe ag Roibeard Mac Ádhaimh cnuasach dánta a chur i gcló, ‘something provincial in scope like O’Daly’s Poets and Poetry of Munster’ (Ó Mórdha 1957: 365 *n.1*), b’fhéidir. Ar an ábhar go dtugann Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 29) ‘amhránaí na haon uaire’ ar Art sa réamhrá a chuir siad lena chnuasach dánta, is ait na nótaí seo a bheith tugtha aige ag deireadh na litreach sin thuas,

... you will conclude that it is absurdity in the highest degree for any man to aspire at or undertake to compose any verses (particularly if he touches on history, without which it is gan tlaucht gan tarbhe) unless he is able to clear up all points relative to the subject which is very difficult, and to mix such rhapsodies ... among poems supported by historical facts ... would be bordering upon insanity and make a complete medley or in other words measgan mháiridhe na mire. ... As I find you one inclined to have this dead treasure revived, I threw out this hint, as I truly admire your benevolence, your qualifications, your taste and talents, lest your compilation would be polluted by spurious poems which would cast a lasting reproach on your judgment, and would expose yourself to the merciless pursuit of the critic as the hare before the hound.<sup>1154</sup>

Chuir Roibeard Mac Ádhaimh litir eile chuig Art an 14 Deireadh Fómhair 1844, ag cur chuige ordú poist £0.9.6 do shealbhóir lámhscríbhinn Pheadair Uí Dhoirnín. Tráchtann Art sa fhreagra a scríobh sé an 17 Deireadh Fómhair 1844 ar an turas fada a bhí le déanamh aige, agus go raibh sé thíos leis an margadh sa deireadh, agus sin, is dóigh, mar gheall ar an luach a chuir Roibeard Mac Ádhaimh ar an lámhscríbhinn. Bhí Art buartha fosta faoi chuid den obair a bhí sé tar éis a chur chuig a phátrún tríd

---

<sup>1154</sup> LN G702(9), mír 2, an 23 Meán Fómhair 1844; Ó Mórdha (1957: 366).

an bpost, sa dóigh gur cheap sé go raibh lucht Oifig an Phoist tar éis na litreacha a chailliúint, deacracht a luaitear cúpla uair sna litreacha atá in LN G702,

I acknowledge the receipt of your letter of the 14th instant inclosing an order for 9/6. The proprietor of that money felt deeply indignant at you and me. The same will teach me a lesson in future. I went to Coolavill, a distance of ten miles, and back for it. I went to Newry with it, and to Dundalk for the money. Where was my gains? And still I am censured. It is not clear to me but he will go for the book again. I was surprized that you made no mention of the three last letters I sent to you, viz. : one on Saturday and two on Monday last. It appears they were mislead. There was some observations on the state of the Irish in bygone days which was well worth your notice with other songs of McCooey's and Mc Alinden's composition. I will write no more of them until I hear from you. Please let me know when you have got them. You will excuse this scrap. There was no paper. All the conveniencies you sent to me are gone back again to you.

Is turseach le radha e, fagbhadh me a ndaorse,  
Gan dubhach, gan páipar, gan grainne snaoisin,  
Gan coinnal no a hadhbhar a láir a' mheodhan-aodhche;  
Beir fuascalt san gcas soith más aill leacht mo aoibhse.

Do not conclude from this verse that I am wearied of your communication. No. I have plenty in store yet for you that you never heard. I am willing to give all to you. When that store is exhausted I'll begin to compose.  
Buarthaidh me do chluasa le ceoltaidh.<sup>1155</sup>

Is spéisiúil go dtráchtann Art anseo ar 'some observations on the state of the Irish in bygone days which was well worth your notice'. Ó tharla gur gheal le hArt riamh *Observations, Reflections* agus *Meditations* a thabhairt ar dhánta éagsúla dá cheapadh féin, is féidir go raibh Art tosaithe ar ghiotaí dá chuid saothar a chur chuig a phátrún, agus is minic a fhaigheann muid iad sna lámhscríbhinní taobh le cumadóireacht fhilí Oiriaila ar nós Shéamuis Mhic Cuarta, Pheadair Uí Dhoirnín, agus eile. Bhí Art mór as a chuid filíochta féin, sa dóigh go dtéadh sé, mar riail beagnach, le craobhacha uair ar bith nár tugadh an t-aitheantas ceart, mar a chreid sé,

---

<sup>1155</sup> LN G702(9), mír 3, an 17 Deireadh Fómhair 1844; Ó Mórdha (1957: 367).

dá shaothar. Tchífidh muid cúpla sampla de seo amach anseo. Ar an 12 Samhain 1844, chuir Art [chuig Roibeard Mac Ádhaimh] dán ar dhálaí na Gaeilge, *Is iomdha léan a fuair Inis Fódhla*, trí rainn agus amhrán ina dtugann sé moladh dá phátrún sa cheathrú dheiridh, agus an nóta seo i bpeannaireacht Airt ag bun an dáin,

Sir, the great anxiety you have evinced for the revival of the Irish language will induce you, I trust, to give publicity to the foregoing poem, which will [be] highly gratifying to your humble servant &c

Arthur Bennett.<sup>1156</sup>

Cuireann sin deireadh leis na litreacha atá againn dár scríobh Art sa bhliain 1844 chuig Roibeard Mac Ádhaimh. Le linn d'Art agus a phátrún a bheith ag plé le lámhscríbhinní, bhí an tAth. Pádraig Ó Luain, an scríobhaí Gaeilge a luaigh muid thuas, tar éis aithne a chur ar Sheán Ó Dálaigh, díoltóir leabhar agus scoláire maith Gaeilge ó Cho. Phort Láirge, agus a bhí socraithe i mBaile Átha Cliath. Scríobh an tAth. Ó Luain litir chuig Seán Ó Dálaigh ar an 29 Deireadh Fómhair 1844,<sup>1157</sup> ag cur chuige an dán 'Agallamh Shéamuis Uí Theibhlin agus an Bháis'. Bhí Seán Ó Dálaigh tar éis *Reliques of Jacobite Poetry* (1844) a réiteach don chló sa bhliain chéanna, agus faoin am ar scríobh an tAth. Ó Luain chuige, bhí tús curtha aige le hábhar a bhailiú don chéad saothar eile a bhí beartaithe aige, *Poets and Poetry of Munster* (1849). Scríobh sé chun na críche sin chuig an Ath. Ó Luain ar an 1 Samhain 1844, á iarraidh air dánta le Peadar Ó Doirnín (*q.v.*), an file clúiteach ó Cho. Lú, a chur chuige. D'fhreagair an tAth. Pádraig Ó Luain é an 15 Samhain 1844,

Altho' I received your letter of the 1st inst. in due time, yet I could not write to you sooner. I had seven quires of letter paper closely written with such poetry as you require and I happened to have lent it to another, who, it seems, has learned the Art of *Book-keeping* for he now says my book is lost. I

<sup>1156</sup> ARÉ 23H34 (718), lch 167, an 12 Samhain 1844.

<sup>1157</sup> ARÉ 23O77 (1386), ff. 215-6, an 29 Deireadh Fómhair 1844.

thought I had another resource for Arthur Bennett, Ballykeel, Forkhill has a great many Irish songs but I find he is very unwilling to give them to be transcribed and hence the delay of my answer. As I cannot get Bennett's or my own, I can only send you from time to time whatever I can glean from others and when you are publishing a volume of religious poetry I will send you 90 verses in Irish and English of a dialogue between a Catholic and a Protestant which I consider pretty clever but you need not at any time send me any of your work as I have already bought the two parts you published and will, God willing, purchase as many parts as will appear during my lifetime. ...<sup>1158</sup>

Faoin am ar scríobh Seán Ó Dálaigh freagra chuig an tAth. Ó Luain agus ar éirigh leis an sagart cúpla dán eile a chur chuige ar an 5 Nollaig 1844, bhí an tEaspag Crolly i ndiaidh é a aistriú ó Chill Shléibhe Íocht. go dtí an Creagán Íocht., ‘a change indeed’, a scríobh an tAth. Ó Luain, ‘that I did not relish much but obey I necessarily must’.<sup>1159</sup> Bhí a chuid féin le rá ag Art ar chluinstin an scéala dó,

Ná saoiltear leat go mbainfear umhlú  
As an dream nár múineadh ariamh go fóill,  
Ligeadh an tslat i bhfad gan lúbadh,  
Thriomaigh an sú is chuaigh sí i bpór.<sup>1160</sup>

Agus é ag scríobh ón gCamloch an 12 Nollaig 1844, chuir an tAth. Ó Luain in iúl do Sheán Ó Dálaigh go raibh sé tar éis socrú a dhéanamh le hArt go gcuirfeadh Art ábhair bheathaisnéise ar Pheadar Ó Doirnín chuige. An míniú a thugann an tAth. Ó Luain ar an gcinneadh a rinne sé iarraidh ar Art an bheathaisnéis a scríobh, is maith a thaispeánann sé an ceangal tábhachtach a bhí ag muintir Mhic Bhionaid trí chéile le lucht déanta na lámhscríbhinní i ndeisceart Cho. Ard Mhacha, agus nach raibh Art

---

<sup>1158</sup> LN G389(9). Litir ón Ath. Pádraig Ó Luain, Camloch, Co. Ard Mhacha, an 15 Samhain 1844, chuig Seán Ó Dálaigh. Baineadh na sleachta gearra seo a thugtar thuas as eagrán Uí Bhuachalla (1965: 126-7).

<sup>1159</sup> LN G389(10-11), an 5 Nollaig 1844; Ó Buachalla (1965: 128-30).

<sup>1160</sup> Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 53).

ach ag leanúint cheird a athar (agus a dhearthár Michael, mar a dúradh thuas) agus é ag cóipeáil agus ag tacar lámhscríbhinní,

I have written to Arthur Bennett of Ballykeel, Forkhill for a biographical sketch of Peter O'Dornin, because I consider there is no man now in Ireland better able to give it for this simple reason that his father who was an Irish scholar conversed with Peter O'Dornin, heard from his own lips the history of his life and as he survived O'Dornin became of all his Irish manuscripts the sole and only heir, and which manuscripts, or at least most of them, are now in the possession of Arthur Bennett. ...

The above are the words of Arthur Bennett of Ballykeel, Forkhill, without note or comment, ... In my humble opinion you may rely with greater degree of certainty on the above sketch, than on that which was given in *The Nation* of 1st April 1843, ... I come to this conclusion from the fact that Bennett was born in the very neighbourhood where O'Dornin died and was buried; that his father and one John McCoy were very old men and Irish scholars who often conversed with the O'Dornin ...<sup>1161</sup>

Scríobh an tAth. Ó Luain chuig Seán Ó Dálaigh ar an 18 Nollaig 1844 leis an deascála go raibh Art tar éis a insint dó go raibh ina chnuasach autograif de dhá dhán de chuid Pheadair Uí Dhoirnín,

I hasten to inform you that A. Bennett has *tandam aliquando* promised me on one of these days Peter O'Dornin's own manuscript of the *Gearrán Bán* and *Malaidh Dhruim Chrīch* and as he says that O'Dornin's copy of the *Gearrán Bán* which he possesses has two more verses than the copy I got from another I wish you to defer preparing it for the press for a few days until I be able to send you a true account of the matter which I hope will be before you before you dine on Christmas day.<sup>1162</sup>

Sa deireadh níorbh í lámhscríbhinn Pheadair Uí Dhoirnín a cuireadh chuig Seán Ó Dálaigh, ach cóipeanna den dá dhán a bhí ag teastáil uaidh i bpeannaireacht Airt, agus chuir an tAth. Ó Luain an nóta seo thíos leo mar iarscríbhinn faoin dáta 24 Nollaig 1844.<sup>1163</sup> Tugann sé míniú measartha fada ar nádúr Airt, agus léiríonn an

<sup>1161</sup> LN G389(12), an 12 Nollaig 1844; Ó Buachalla (1965: 130, 132-3).

<sup>1162</sup> LN G389(13), an 18 Nollaig 1844; Ó Buachalla (1965: 133-4). Is dearmad cló an dáta '8th December 1844' a thugtar in Ó Buachalla (1965: 133).

<sup>1163</sup> ARÉ 12E24 (907), lgh 81-8; féach nóta 1112 thuas.

nóta gairid seo go raibh an tAth. Ó Luain ag éirí tuirseach de na gealltanais a bhí Art tar éis a thabhairt dó i dtaobh lámhscríbhinní Pheadair Uí Dhoirnín,

Bennett promised me the original and yet I could never get it from him but succeeded however in getting from him in his own handwriting a true and faithful copy (as he says) of the original of the *Gearrān Bán* and of *Malaidh Dhruim Chrīch*. I gave him your address and he promised to send you in a few days an account of the occasion on which *Gearrān Bán* was composed. ...

He is of a very singular and odd disposition. I consider he is very fond of his own opinion and would withdraw both from you and me his contribution if we once displeased him. Should he send you any manuscript you would do well to flatter his pride a little and you will succeed the better. To give you a little idea of his manner and disposition I will send you by this day's post the biographical sketch he sent me of Peter O'Dornin and which I conveyed to you before. This sketch I would be glad you would return to me again as you have a copy of it already. I made an arrangement with Bennett (if he holds to it) that we should compare the manuscript he has with mine and that he will write you some songs from his MS. and that I will send you some from mine but so that we both will not write to you on the same subject. Bennett consents to connect his name with that sketch.<sup>1164</sup>

Is doiligh a rá cén fáth ar chuir an tAth. Ó Luain bunchóip an chuntais seo chuig Seán Ó Dálaigh, nuair a bhí sé aige cheana féin. Maidir leis na dánta, ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar na cóipeanna seo le bheith sásta nár chóipeanna dílse iad seo a rinneadh ó lámhscríbhinn le Peadar Ó Doirnín, ó thaobh chúrsaí ortagrafaíochta de. Is doiligh, ar ndóigh, aon tuairim cheart a fháil ar chumas an fhile Peadar Ó Doirnín in ortagrafaíocht na Gaeilge nuair a bhí sé ag scríobh as a stuaim féin, ó tharla nach bhfuil againn ach cóipeanna d'ábhar údar eile óna láimh, ach is tréithe a bhaineann go speisialta le lámhscríbhinní Airt cuid de na foirmeacha atá sna cóipeanna a scríobh sé do Sheán Ó Dálaigh, an litriú *soith* ar an mír thaispeántach *seo*, agus eile. An t-ábhar féin, tá an chuma ar an dá dhán go bhfuil siad cruinn go leor, agus más fíor gur 'cheartaigh' Art an litriú, is féidir go raibh cóipeanna de

---

<sup>1164</sup> ARÉ 12E24 (907), lgh 87-8, an 24 Nollaig 1844; Ó Buachalla (1965: 134).

chuid Pheadair aige, ach ní dóigh liom é. Is dóigh go raibh lámhscríbhinn éigin de chuid na 18ú hAoise ag Art ar cheap sé gur scríobh Peadar Ó Doirnín í. In ionad cuntas a chur chuig Seán Ó Dálaigh ar an dá dhán, scríobh Art chuige ar an 26 Nollaig 1844, ag cur ceithre dhán<sup>1165</sup> eile chuige, mar aon le litir inar mhínigh sé na coinníollacha faoina gcuideodh sé leis,

I presume that a communication from the Rev. Mr. Lamb has reached you before now which conveys part of my Irish poems. You will please observe that them songs are written and composed in the Ulster dialect which differs somewhat from the Leinster and Munster tone and temper. I copied them with great accuracy from the handwriting of the author therefore give them as they are set down before you, without the slightest change for the(y) will not admit of it nor will I! I have a considerable number of this dead treasure preserved from the general shipwreck. For one year at least I could send you a song every day and not drain myself out but remember at any time whatever that I find the smallest syllable or sentence quoted or stated in addition or omission I will contribute no more to your work.

Only that I was hurried by my friend Mr. Lamb I would embellish the *Gearrán Bán* with note and comment ... If you would like to have it so enclose it in an envelope and direct it: Arthur Bennett, Forkhill, near Dundalk, and I will send it back ...

If you would publish any English works I have written a sketch of Irish History on the sundry occurrences and sufferings of the Irish from the accessions of James I 1603 down to the Union and this is considered by men of deep reflections to be the best account ever given.<sup>1166</sup>

Na ceithre dhán a chuir Art chuig Seán Ó Dálaigh, ba le Séamus Mac Cuarta ceann amháin acu, agus ba é Art a cheap na cinn eile. An ‘sketch of Irish History’ a luann Art sa litir thuas, tá sé intuigthe ó nóta de chuid Uí Bhuachalla (1965: 135 n.19a) gur cheap sé gur dréacht é den leabhar staire a thairg Art do Roibeard Mac Ádhaimh sé bliana ina dhiaidh sin, agus is féidir go míníonn sé seo an fáth ar thairg Art na leabhair staitiúidí do Roibeard Mac Ádhaimh siar i mí Lúnasa 1844, má bhí sé tar éis

---

<sup>1165</sup> Tá na dánnta seo ar coimeád in dhá áit, ARÉ 12E24 (907), lgh 73-6, agus LN G780, lgh 77-80. Féach nóta 1112 thuas.

<sup>1166</sup> ARÉ 12E24 (907), lch 73; Ó Buachalla (1965: 135).

na hábhair a bhí uaidh lena leabhar a scríobh a bhaint astu. Scríobh Art aon litir amháin eile chuig Seán Ó Dálaigh ar an 5 Eanáir 1845, agus diomaite de nach bhfuil sí againn, is leor mar léiriú ar a hábhar an litir leithscéalach a chuir an tAth. Pádraig Ó Luain chuig Seán Ó Dálaigh ar an 13 Eanáir 1845,

The contents of the 10th inst surprised me more than anything I ever read. I am extremely sorry that I spoke to Bennett (a mulish, obstinate, selfish man) to send you any contributions as I now see he has annoyed you with his ignorant restrictions. I consider he tells very little truth in his note of the 5th inst. which you enclose me. He says your publication of Jacobite Songs appeared but so and so to men of deep reflection in the North. Now this I do not believe for I suppose he can allude to no other in such a statement than to your humble servant and to a Mr. Robert McAdam of 18 College Square, Belfast and I assure you Sir, that for my own part, I prize the Jacobite songs above anything I have met with and as for McAdam I heard him say in this village of Ca[m]lough that he was more delighted with your Jacobite songs than he was with anything else that he met with in the Irish language. And if Bennett or Mr. McAdam or I would presume to pass sentence on the whole or on any part of your invaluable publication would not the whole world laugh at us as being a foolish trio? Would we dare to censure what the Editors of *The Nation*, *The Clare Journal*, *The Cork Examiner*, *The Belfast Vindicator*, *The Wexford Independent*, *The Chronicle and Munster Advertiser*, *The Drogheda Argus*, *The Kilkenny Journal*, *The Limerick Reporter* and *The Kerry Examiner* etc. have all lauded beyond admiration? I think not, if we did not wish to be looked upon as fools and madmen. He says that to those men of deep reflection it would appear they were not good songs you wanted; but I am sure I never saw the list of songs you sent him and I am positively sure that McAdam never saw them either.<sup>1167</sup>

Tugann an litir cuid mhaith eolais dúinn ar chúinsí Airt,

'Tis true indeed, that McAdam did give some paper and other requisites to Bennett in order that he might get from him some of his songs and I believe too, that as Bennett is in extreme poverty he might have received some little gratuity from McAdam but nothing in the shape of a reward.

'Tis true also that I importuned him to contribute to your own work but I paid him nothing for it except that I supplied him with paper and postage stamps and this was all. I would not at all trouble him to write to you but I could not get from him his MSS. tho' he often promised me it, as I knew him to have

---

<sup>1167</sup> LN G389(14), an 13 Eanáir 1845; Ó Buachalla (1965: 136).



some good materials, I considered he might be like Mary Swallick, fond of seeing his name in print thro' the pride of which notion I thought to procure for you what we could not otherwise get.

He says the Most Rev. Dr. McHale would be glad to reward him well for his services as an Irish scholar but I consider that prelate does not know of such a man as Arthur Bennett. ... If you wish I will return you his ugly note of the 5th inst. ... After I received your letter I went to Bennett to the parish of Forkhill, who, notwithstanding his obstinacy in other things, immediately consented to allow you the just liberty of following the old Irish rule of *caol re caol* and *leathan re leathan* with regard to his MSS.<sup>1168</sup>

Má ba ghránna an nóta sin Airt, níorbh é an t-aon duine a bhí in ann a bheith borb agus sotalach nuair a cuireadh oic air: 'Dr. McHale ... does not know of *such a man* as Arthur Bennett'. Dhá lá i ndiaidh don Ath. Ó Luain an litir sin a scríobh, chinn Art ar scríobh chuig a sheanphátrún, Roibeard Mac Ádhaimh, le teirce na litreacha a mhíniú, agus a thaobh féin den scéal a insint dó.

Owing to my indisposition since the beginning of November last (caused by a cholick) I could not find myself able to write to you since. I was despaired of by all that seen me and still, I think, my chance is uncertain. I am subject to that complaint. I assure you I partly thought you should know of it and was most jealous with you that you never enquired about me. If I was mar ghnath liom, I would enquire after you.

In addition to these grievances my little effects were seized on a decree during my illness for £1-10-0 only, and were it not that a well-wisher interfered and stayed the inquiry for some little time to come bhiadh an sgeal nibus measia. If health returns we will get over all these difficulties yet and have recourse to the old channel of communication again. I would like to hear from you as soon as you would find it convenient. Let me know did you make any progress since, are you inclined to print any soon, and all other particulars. Through the importunity of Mr. Lamb I wrote Malaidh Dhruim Chrioth and the Gearrán Bain together with a biographical [account] of the author, Peter O'Dornin, for Daly of Kilkenny. Be on the look out for them in print. Mr. Lamb is to get a printed copy. If I get it before you I'll send it to you. He used all manner of flattery that I would contribute to his publication.

---

<sup>1168</sup> LN G389(14), an 13 Eanáir 1845; Ó Buachalla (1965: 136-7).

I peremptorily refused. I'll never propose my friendship to you and sell my interest to another. Death before dishonour.<sup>1169</sup>

Tagann stad leis na litreacha ina dhiaidh seo, agus níl lámhscríbhinn nó giota scríbhneoireachta ar bith eile ó láimh Airt againn a dheimhneodh dúinn go ndearna sé aon obair do Roibeard Mac Ádhaimh le linn na bliana 1845. Is dóigh gur ag an am seo a scríobh Aodh Mhac Domhnaill [2] dán chuig Art, *Beir beannacht is céad uaim, le bua is le neart*, ina gcuireann sé a thuairisc,

A charaid mo chléibh, ná tréigsa cumadh na gceol,  
 'S gach liacht oíche aerach 'bhí tú féin is mise fán ól;  
 Le héirí an lae ba séimh is b'fholláin ár nglór,  
 Ní chodladh sinn néal le méadú cuideachta 's spóirt. ...

Beidh cuideachta 's dáimh le fáil arís ar Art,  
 Gé síleann Mac Ádhaimh gurb é an bás a chloígh a neart;  
 Nuair a chruinneos na baird comhdháil dóibh féin fá seach,  
 Beidh tusa 'na lár mar chránaigh i meon na mbeach.<sup>1170</sup>

Chuir an dán seo, dealraíonn sé, tús le sraith fhada dánta<sup>1171</sup> a scríobh Art agus Aodh chuig a chéile, cé gur féidir go raibh Roibeard Mac Ádhaimh ina chineál

<sup>1169</sup> LN G702(12), an 15 Eanáir 1845; Ó Mórdha (1957: 368).

<sup>1170</sup> As leagan Beckett (1987: 68).

<sup>1171</sup> Is mór an trua nach bhfuil eagrán iomlán den tsraith seacht ndán i gcló in aon áit amháin. Mar áis don léitheoir, tugtar anseo liosta de na cóipeanna díobh atá ar fáil, go bhfios dom. Is ionann 1 Aodh agus an chéad dán (nó 'litir' mar a deirtear sna lámhscríbhinní) a chum Aodh, agus is é 1 Art an chéad dán a scríobh Art, srl.

- 1 Aodh *Beir beannacht is céad uaim, le bua is le neart.*  
 1 Art *D'imigh an t-iasc a bhí san Bhóinn.*  
 2 Aodh *'Sé bun mo chomhairle dhuit, a Airt.*  
 2 Art *B'ionúin liom file faobhrach.*  
 3 Aodh *A Airt, a chara, 'sé mo bharúil gur sháraigh tú an chríoch.*  
 3 Art *Gidh nár fhag sibh cláirseoir nó file.*  
 4 Aodh *Nach tuirseach mo thuras fán tráth seo.*

Dán	COBÁC M20 1852	COFLA D7 1855-6	CM L11 (c) gan dáta	LN G702 1846	OB 1/155 tar éis 1851	ARÉ 3B38 (251) 1853-4	LPBF 17 gan dáta
1 Aodh					219		
1 Art	[87c]	117	134				
2 Aodh					221		
2 Art	[87e]	118					
3 Aodh					225	77***	

d'idirghabhálaí eatarthu. Tuairimíonn Ó Buachalla (1968: 139) gurbh é Roibeard Mac Ádhaimh a d'iarr ar Aodh scríobh chuig Art lena spreagadh chun obair a dhéanamh, agus is é rud a bhí mar thoradh air seo iomarbhá bheag idir an bheirt fhilí. Is doiligh dátaí na ndánta a shocrú, ach is dóigh gur tharla an iomarbhá seo idir na blianta 1845 agus 1846.<sup>1172</sup>

3 Art	[87d]	94*		15(2)			
4 Aodh					229**	76	18

\* Tosaíonn an dán leis an líne *Cé nár fhág sibh ollamh nó éigse* sa chóip sin.

\*\* Tá dhá véarsa den dán i lámh Roibeaird Mhic Ádhaimh istigh sa lámhscríbhinn seo, agus an chóip a rinne Peadar.

\*\*\* Neamhiomlán.

Ba cheart go mbeadh cúpla rud sothuigte ón tábla thuas, a bunaíodh ar a bhfuil in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979) agus Beckett (1987). Níl na dánta uilig ar fáil in aon lámhscríbhinn amháin, sa dóigh go bhfuil scoláirí nua-aimseartha freagrach as an leagan amach thuas. Is é Peadar Ó Gealacáin an t-aon scríobhaí a thugann aon eolas dúinn faoin 'iomarbhá' seo, a scríobh dánta Aodha amháin in OB 1/155 tar éis na bliana 1851. Tugann sé 'Hugh McDonnell's First Letter', síos go dtí an 'Fourth Letter', orthu; sa chóip de 4 Aodh atá i lámhscríbhinn eile de chuid Pheadair, ARÉ 3B38 (251), deir sé gurb í an ceathrú litir í, agus deir sé gur 'another letter' de chuid Aodha é 3 Aodh. Ba iad Ó Buachalla (1968), Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979) agus Beckett (1987) a chuir an iomarbhá le chéile mar ba cheart, agus iad ag tarraingt ar thaighde scoláirí eile, Énrí Ó Muirgheasa, mar shampla. Is é is dóigh liom go bhfuil éirim an scéil curtha le chéile go maith ag Ó Buachalla (1968: 143-55, 164-7), ach níor mhiste an amlíne a leagan amach chomh cruinn agus is féidir, más indéanta sin. Féach nóta 1172 thíos.

<sup>1172</sup> Tá an cheist seo iontach bunúsach agus tábhachtach—dátaí na ndánta, ach tá an freagra giota beag casta. Thuigfí ar an gcéad léamh gur cumadh iad sa bhliain 1844, toisc go luann Peadar Ó Gealacáin an dáta sin le 3 Aodh in OB 1/155, lámhscríbhinn a ghráf sé sa bhliain 1851 nó ina dhiaidh sin. Is é 3 Art an t-aon dán amháin de chuid na sraithe dánta seo a bhfuil dáta cruinn leis, de bhrí gur chum Art é mar aoir ar an mairgne a cheap Aodh Mhac Domhnaill [2] ar an Dr Séamus Mac Domhnaill. Chuir Roibeard Mac Ádhaimh an dán sin chuig Art tríd an bpost i dtús na bliana 1846—féach go ndéanann Art tagairt dó i litir a scríobh sé an 7 Eanáir 1846 chuig Roibeard Mac Ádhaimh, LN G702(15), mír 1; agus tá an dáta 25 Eanáir 1846 sa mharc poist a bualadh ar an gcóip de 3 Art, LN G702(15), mír 2, a chuir Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh. Ciallaíonn sé sin gur ceapadh 3 Art idir tús mhí Eanáir 1846, abraimis, agus an 25 Eanáir 1846.

Chomh fada agus a bhí sé ag plé le cróineolas na ndánta, bhí Peadar Ó Gealacáin ceart—taispeánann na tagairtí in 1 Art gur freagra measartha ginearálta é ar 1 Aodh nó a chineál, agus is freagra cruinn ar 1 Art é 2 Aodh sa dóigh go dtagraíonn Aodh ann do dhán maslach a scríobh Art air (*ll.* 31-2), 1 Art. Luaitear an t-easaontas a tharla idir Art agus Seán Ó Dálaigh ag *ll.* 5, 16, 36, ní a ligeann dúinn an dán seo a dhátú don tréimhse tar éis an 5 Eanáir 1845. Tá an chuma ar 2 Art gur scríobhadh é mar fhreagra ar 2 Aodh, agus tagraíonn Aodh Mhac Domhnaill [2] sa dán 3 Aodh siar go díreach do 2 Art; is é 3 Aodh an dán a ndeir Peadar Ó Gealacáin gur scríobhadh sa bhliain 1844 é ach ní féidir, más ceart an t-eolas a tugadh thuas, gur cheart sin dó.

Is é an t-aon deacracht a bhaineann leis an gcuid deiridh den tsraith dánta nach féidir a bheith sásta gur freagra díreach ar 3 Art é 4 Aodh, agus gur scríobh Art 3 Art ar an bpointe boise nuair a fuair sé 3 Aodh, cé gur dóigh é. Caithfidh sé go bhfuair Art 4 Aodh, agus go raibh deireadh leis an agóid faoin 26 Nollaig 1846, mar a tchífead ar ball. Chomh fada agus is eol dom, is é 4 Aodh an t-aon cheann de na dánta a cheap Aodh sa tsraith dánta seo a bhfuil fáil air ina chuid peannaireachta féin. Tá an chóip aonair seo in LPBF 17, taobh le trí phársa eile a cheap Aodh, dánta 2, 30 agus 36 in eagrán Beckett (1987). Is dóigh gur grafadh an lámhscríbhinn seo c.1846, agus tugann cuid de na dánta atá inti le fios nár scríobhadh í (nó codanna di) roimh an mbliain 1845. Féach nóta 1171 i dtaobh na ndátaí seo. Bhí an bheirt acu, Art agus Aodh, mór lena chéile faoin 26 Nollaig 1846, nuair a rinne Art tagairt mholtach dó i litir, LN G702(15), mír 9, a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh an lá sin. Is féidir

Freagra ginearálta atá sa chéad dán a scríobh Art chuig Aodh,

D'imigh an t-iasc a bhí san Bhóinn  
A dhéanamh fómhair go Dún na nGall  
Tráth chuala siad Aodh Mac Dónaill  
Bheith ag ceartú ceoil is ag cumadh rann.

D'iompáigh an eala ar dhath an ghuail,  
Is an madadh rua ina ghréasaí bróg,  
Thriomaigh an mhíoltóg Eas Aoidh Rua  
Le neart a lúchair fá ollamh an cheoil. ...

---

linn a rá, ar an mbonn sin, gur scríobhadh 3 Art i mí Eanáir 1846, agus 4 Aodh am éigin le linn na bliana céanna.

Deir Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 103), agus leanann Beckett (1987: 138) iad, gurbh é Roibeard Mac Ádhaimh a spreag Aodh chun 1 Aodh a scríobh chuig Art toisc nach raibh lámhscríbhinní ag teacht uaidh. Dhealródh sé gur cheart sin dóibh, óir deirtear sa dán gur mheas Roibeard Mac Ádhaimh go raibh Art marbh toisc nár chualathas scéala uaidh. In ainneoin go ndúirt Art cúpla bliain ina dhiaidh sin gurbh é '...Hugh M<sup>c</sup>Donnell' <s> conduct for assuming the name of a poet' ba chionsiocair leis an bhfreagra magúil a chuir sé chuige, COBÁC M20, lch [87c], is soiléir gurbh é rud a chuir Art le craobhacha a raibh d'aghaidh ar Aodh, mar a mheas sé, tabhairt faoi toisc nach raibh sé ag cur ábhar chuig Roibeard Mac Ádhaimh, agus ní fhéadfadh sé nár tuigeadh d'Art gurbh é an pátrún féin a bhí ag an stiúir, murarbh é a bhí ag láimhseáil an phinn. Ní féidir gan a rá gur dóigh go raibh Art in éad le hAodh go mór fosta, toisc gurbh fhearr le Roibeard Mac Ádhaimh a chuid filíochta. Más fíor sin, agus a fhios againn gur scríobhadh na dánta seo, go garbh, am éigin idir 1844 agus 1846, fágann sin mar chúram againn an bhearna seo i saothair Airt a aimsiú—dá mhéad í is ea is fearr, má tá muid lena chreidiúint gur iarr Roibeard Mac Ádhaimh ar Aodh dán a chur chuig Art lena ghríosadh chun oibre.

Tá dhá bhearna mhóra ann nach dtiteann a locht ar Roibeard Mac Ádhaimh,

(1) Samhain 1844 – Eanáir 1845. Is dócha gur thosaigh sé nuair a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh thart faoin 12 Samhain 1844 le dán molta a chur chuige, ARÉ 23H34 (718), lch 167. As sin amach, níor chuir Art nóta chuige ar feadh trí mhí, toisc go raibh sé tinn, de réir litreach a scríobh sé an 7 Eanáir 1845. Ar ndóigh, bhí sé ag scríobh chuig Seán Ó Dálaigh i mí na Nollag 1844, agus bhí sé tar éis fáil réidh leis san 'ugly note of the 5th [Eanáir 1845]' dár thagair an tAth. Pádraig Ó Luain. An litir sin a chuir sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 15 Eanáir 1845, tá dhá ní faoi thrácht inti, mar a deir Ó Buachalla (1968: 148), teirce na litreacha uaidh, agus gearán faoi Sheán Ó Dálaigh. Cuirtear Seán os ár gcomhair mar phlámásaí. B'fhéidir gurbh idir na míonna sin a scríobh Aodh chuig Art, ach má scríobh, is deimhin nár tuigeadh d'Art lámh a bheith ag Roibeard Mac Ádhaimh sa scéal (féach an sliocht as an litir thuas).

(2) Eanáir 1845 – Eanáir 1846. Má ghlacann muid leis an mbearna a luadh in (1), fágann sé sin, áfach, gur cuireadh tús leis an gcogadh ag deireadh na bliana 1844 nó am éigin roimh an 15 Eanáir 1845, agus nár tháinig réiteach air go dtí an bhliain 1846, b'fhéidir ag deireadh na bliana sin. Is soiléir ó na tagairtí atá déanta ag Aodh do dhán Airt ar Sheán Ó Dálaigh gur scríobhadh 2 Aodh tar éis an 5 Eanáir 1845, agus gur féidir go raibh aoir Airt ar Sheán Ó Dálaigh, *Is ard an chéim do-bheir Seán Ó Dálaigh*, léite aige, ach ní gá gur go díreach ina dhiaidh sin a ceapadh é. Níl a fhios againn cá huair a shroich an dán sin Aodh nó Roibeard Mac Ádhaimh—ach tagraíonn Aodh go díreach don dán a cheap Art in 2 Aodh agus in 3 Aodh.

Nuair a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh arís ar an 7 Eanáir 1846 (ní fios ar sheol sé litir ar bith chuige idir an 15 Eanáir 1845 agus sin), deir sé go raibh sé tar éis litir chineálta a fháil uaidh, agus tugann sé míniú ar an bhfáth nár scríobh sé chuige le fada, 'I had days of woe ... which caused me to withdraw myself from the communion of men ...' Ba ag an am sin go díreach a bhí Roibeard Mac Ádhaimh tar éis an dán a spreag 3 Art a chur chuige. An féidir gur thosaigh an cogadh idir Art agus Aodh go mall sa bhliain 1845? Bheadh scéal Airt agus Sheáin Uí Dhálaigh ar eolas ag Aodh, agus d'fhágfadh sin go mbeadh nimh san fheoil ag Art d'Aodh nuair a chaith sé súil ar dhán nua leis, a bhí á mholadh ag a bpátrún.

D'imigh Teamhair go sléibhte Chairlinn,  
Agus Móta Ghranard go Doire Núis,  
Agus Cuan na mBradán go Baile Uí Bhrágáin  
Ag cur iomad fáilte don ollamh úr.<sup>1173</sup>

Trí rainn agus amhrán atá sa chuid is mó de na dánta a scríobh Art, an múnla filíochta ba mhó a chleachtaíodh sé, múnla a shamhlaítear go príomha le filí Oiriaila na 18ú hAoise.

Is é rud ab ábhar leis an dara scoilt atá sna litreacha, agus is iomaí scoilt eile a leanfadh í, gur scríobh Roibeard Mac Ádhaimh chuig Art i dtús na bliana 1846,<sup>1174</sup> ag cur chuige cóip den dán úr a bhí Aodh Mhac Domhnaill [2] tar éis a cheapadh ar bhás an Dra Séamus Mac Domhnaill, *Agraim agus maím carthantas na Naoi*.<sup>1175</sup> Bhí Roibeard Mac Ádhaimh cíocrach go leor tuairimí scoláirí eile a chluinstin, óir chuir sé cóipeanna chuig cúpla duine, agus b'in an ní a fuair sé ar ais ó Art i litir dar dáta an 7 Eanáir 1846, a thuirim. Formhór na ndaoine eile chuig ar chuir Roibeard Mac Ádhaimh an leabhrán beag clóite sin, mhol siad go hard feabhas na teanga a bhí ann, ach dhírigh Art go mór ar an ábhar. Tosaíonn sé go béasach,

On the moment I received your most kind letter, and, candidly, in the whole course of my lifetime I was not so glad of another letter, being quite lonesome this while back. I had days of woe and nights of lamentation which caused me to withdraw from the communion of men, finding myself in the decline of life, my strength prematurely exhausted by hard labour, my help quickly hurried away from me and the last spark of life threatened to be extinguished with hunger by the failure in the potato crop. Millfheann an tarcuisne an coinall. Soith a raibh do sheudaibh chum pronta agam dol i gcionn na bliaghan uir dhut et budh [mhaith] liom do mbiadh se moran ni bfeair. The present is an old manuscript left as a legacy and I give it to you as being the only person in existance I wish to have it. I will leave it in the Belfast Coach Office, Newry, directed to you when I will post this letter. You

<sup>1173</sup> Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 56).

<sup>1174</sup> Tugann Art a bhuíochas leis as cóip den dán a sheoladh aníos chuige i litir an 25 Eanáir 1846.

<sup>1175</sup> Tugtar plé gearr ar an dán seo sa chuntas ar Aodh Mhac Domhnaill [2] i gCaib. 2.63 thíos; tá sé in eagar in Beckett (1987: 76-9). Tugtar liosta tagairtí do chuntais ar an Dr Séamus Mac Domhnaill (1763-1845) i nóta 1674.

will please acknowledge the receipt of it. Were it not for the inclemency of the weather and that the cold injures my hands (want of clothes) I would deliver it myself and spend a few days with you to revive my drooping spirit.<sup>1176</sup>

Tugann nóta i bpionsal a scríobh Roibeard Mac Ádhaimh ar an litir le tuiscint gur chuir sé 6/- chuig Art an 12 Eanáir 1846,<sup>1177</sup> lena chúiteamh ar son na lámhscríbhinne, is dóigh. Diomaite de go bhfuil giotáí i bpeannaireacht Airt i gcnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh, ní féidir ach dhá cheann de na seanleabhair a cheangal leis, mar a thug Ó Buachalla (1968: 290) le tuiscint: LN G190, an lámhscríbhinn a bhfuair Art í ar son a phátrúin i mí Dheireadh Fómhair 1844, mar a chonaic muid thuas; is í ARÉ 24P4 (92) an dara ceann. Lámhscríbhinn de chuid na 17ú hAoise atá inti, agus ba é Pádraig Mac Oghannáin (*q.v.*) a ghraf í.<sup>1178</sup> Ó tharla go bhfuil nóta sealbhóra uirthi a scríobh Séamus Ó Brinn, scoláire ó Cho. na Mí a bhí comhaimseartha le hArt, agus a bhí fós ina bheatha chomh mall leis an mbliain 1845, is doiligh a chreidiúint ar bhealach gur fhág seisear nó éinne eile ARÉ 24P4 (92) ag Art mar sheod fine. Deimhníonn an chéad alt eile nach raibh Art i dteagmháil le Roibeard Mac Ádhaimh le bliain, mar a thuigfí ó dhátaí na litreacha atá againn.

Revd. Mr. Lamb was sent to the parish of Newtownhamilton about 6 miles west of where he was formerly to be guide and guardian for the Parish Priest who labours in an unsettled state of mind. On the invincible ignorance and treachery of that parish I made the following lines which is all I wrote these three months ...<sup>1179</sup>

<sup>1176</sup> LN G702(15), mír 1, an 7 Eanáir 1846; Ó Mórdha (1957: 368-9).

<sup>1177</sup> LN G702(15), mír 1; féach an nóta a thugtar san *N.L.I. Cat.*, xiii, 9.

<sup>1178</sup> Pléadh í cheana i gCaib. 1.4.1.3.

<sup>1179</sup> LN G702(15), mír 1, an 7 Eanáir 1846; Ó Mórdha (1957: 369).

Tá a fhios againn gurbh é a mhalairt ghlan a bhí fíor, ach bhí ar Art a chur in iúl dá phátrún go raibh sé dílis dó, ar ndóigh. Glacann Art chuige ansin an Ghaeilge agus cuntas á thabhairt aige i dtaobh na lochtanna a cheap sé a bheith ar dhán Aodha.

Fa chuirsa marbhchaonadh Mhic Domhnall nil mise ach tana a tuigse, agus tá suibh fein tromtorrach a gceill agus a bhfogluim, ach ta ní cheadhna se mheasum, mas don ardtreihb uasal Radhnall mor Mac Domnall .i. Iarlla Aondrum, é gur choir a chraobha comhneasa agus a gheaga gionéalach. crodhacht a shionsuir ag cosneadh na críoch an aghaidh anorlan eachtranna, et fa dheogh uasle na fola dar fhas se uadh bheith an ait fian-sgeal filidhacht agus gartha bean sidh, ach ta se clódh-bhualte go maith.<sup>1180</sup>

Dhealródh sé gurbh ábhar spéise do Roibeard Mac Ádhaimh na lochtanna a fuair Art ar shaothar Aodha, agus b'in an rud a chuir ar seachrán é. An chéad litir eile a chuir Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh, níl dáta léi, ach an 25 Eanáir 1846 uirthi mar mharc poist, agus is éard atá ann, mar a fhógraítear sa teideal, 'Historical and critical review of Doctor Mac Donnell's Elegy'. Liosta measúil ceartúchán atá ann, iad scríofa i bhfoirm phróis agus filíochta, cé nach mbíonn an ceart ag Art i dtólamh maidir leis na nótaí staire, mar a thug Ó Mórdha (1957: 370 *nn.*2-3) faoi deara.

Gé nár fhág sibh cláirseoir, ollamh nó éigse,  
Nó síofra Gréagach ó thús an tsaol,  
Nár ghoir sibh chugaibh i dtuireamh Shéamuis,  
Is gur thabhaigh ina dhéidh sin a bheith ina laoi,

Bhain seachrán mara de bhur laoi,  
Ag áireamh na laochraí a bhí sa ghleo,  
Is go bhfuil sé soiléir ag an tsaol  
Nach den chraoibh sin Iarla Thír Eoghain. ...<sup>1181</sup>

Tagann sraith nótaí nó ceartúchán ar dhán Aodha i ndiaidh an dáin sin thuas, agus an méid seo mar fhocal scoir,

<sup>1180</sup> LN G702(15), mír 1, an 7 Eanáir 1846; Ó Mórdha (1957: 369).

<sup>1181</sup> Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 61).

I will not write to you again until I hear your opinion of this; I wish how soon. I thank you sincerely for the poem you sent to me. I only took a cursory survey of it yet. I am tolerably recovered but my boy is very, very ill. Were it not for the calls of the Bank money I would write many other things for you while I am in humour. Work I must if I get it to do.<sup>1182</sup>

Glacann Ó Mórdha (1957: 377 n.2) leis gurb é John Bennett an mac a bhí i gceist ansin. Scríobh Roibeard Mac Ádhaimh ar ais chuig Art ar an 4 Feabhra 1846, agus é ag súil lena thuilleadh nótaí ar ghnéithe éagsúla de dhán Aodha. Thug sé treoracha dó fosta nótaí beathaisnéise a thacar ar bheirt fhilí a bhí lonnaithe thart faoi dheisceart Cho. Ard Mhacha san 18ú hAois, Pádraig Mac a Liondain (*ob.*1733) agus Art Mac Cumhaigh (*ob.*1773(?)). D'fhreagair Art é sé lá ina dhiaidh sin ar an 10 Feabhra 1846, agus é ag iarraidh a chuid díograise a chur in iúl,

I acknowledge the receipt of your letter and order for 2s which I received. Budh chabhair ann amsirfeidhme e. Everything you mentioned in your letter will be complied with as soon as I can. Yet I must take a tower to the parish of Creggan to McCooey's nephew and to a few other old men that was acquainted with Mc Alinden. I'll not leave a stone unturned to find out all about them great men.

Mr. Lambe is appointed Parish Priest, Lower Creggan, near Newtownhamilton.<sup>1183</sup>

Taispeánann an nóta atá scríofa os comhair an leathanaigh seo in LN G702 gur beag am a bhí le cur amú ag Art dul a lorg seanchais faoi fhilí, agus na fiacha ag carnadh air,

My dear friend,

Since you are ever ready to see my wants supplied stern necessity compels me to request you will send 4s. - 6d. to me for the Loan Bank fund as soon as this will reach you and make it payable in Newry this time, as my business

---

<sup>1182</sup> LN G702(15), mír 2; Ó Mórdha (1957: 370).

<sup>1183</sup> LN G702(15), mír 3; Ó Mórdha (1957: 371).



leads me there. I am not prepared for this Saturday. 5 Saturdays will finish me, God willing. You'l not be sorry for that kindness if I live.<sup>1184</sup>

Taispeánann an chéad litir eile a scríobh Art ar an 15 Feabhra 1846 go raibh Roibeard Mac Ádhaimh tar éis rud beag a dhéanamh air agus ordú bainc 4/6 a sheoladh chuige, rud a fuair Art ar an 14 Feabhra 1846. Luaigh an tAth. Ó Luain, ar ndóigh, sa litir fhada a scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh an 13 Eanáir 1845 go raibh Art 'in extreme poverty', agus baineann an chéad sraith eile litreacha in LN G702 an t-amhras dá chuid briathra. De réir mar a chuaigh cúrsaí na tíre in olcas go mór, ba dheacra d'Art fostaíocht a fháil, agus thosaigh an saol ag teannadh air agus ar a mhuintir. Tá a shliocht sin ar na litreacha amach anseo, agus faigheann muid pictiúr an-soiléir an-mhacánta ó láimh Airt den ánró a bhí tar éis titim air. Is é seo an freagra a chuir Art chuig a phátrún ar an 15 Feabhra 1846,

I received your order in due time for the Bank on yesterday and for the same I feel extremely obliged to you, and were it not that necessity rendered silence impossible I would not [ask] you for it. Ach is i an chruadail mathar gach iontleacht. It appears that I will never have happy tidings to send to you. On this morning a fine girl, a daughter of mine, died of convulsion of four days' standing. She was fifteen years of age and worse than all cha raibh biadh no deoch no pingin a cheanneachadh e no a d'iolcadh í ar mo sheilbh. You will please excuse me for being a little dilatory in sending any writings. Excuse haste and trouble.<sup>1185</sup>

Luigh Art isteach ar an obair ina dhiaidh seo, ag cur dhá dhán eile chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 20 Feabhra 1846.<sup>1186</sup> Ceithre lá ina dhiaidh sin, ar an 24 Feabhra 1846, scríobh Art le torthaí a chuid taighde ar Art Mac Cumhaigh. Theip go glan air

---

<sup>1184</sup> LN G702(15), mír 3; Ó Mórdha (1957: 371).

<sup>1185</sup> LN G702(15), mír 4; Ó Mórdha (1957: 371-2).

<sup>1186</sup> LN G702(15), mír 5; Ó Mórdha (1957: 372).

aon rud a fháil faoi Phádraig Mac a Liondain, ach bhí sé fós ar thóir an bhéaloidis, agus seanchara dá chuid ag cuidiú leis,

I spent yesterday in search of a sketch of the bard's life namely McCooey which Mr. Lamb promised to furnish me with at the very earliest opportunity. As for McAlinden's I very much [fear] it is lost, as all the old men that could give any information in that respect are dead. However I'll see more about that.<sup>1187</sup>

Léiríonn an méid sin go raibh Art agus an tAth. Pádraig Ó Luain i dteagmháil lena chéile, agus go raibh an sagart tar éis maitheamh dó an racán a thóg sé le Seán Ó Dálaigh an bhliain roimhe sin. Bhí Art tar éis a thuairim a thabhairt i dtaobh dhán Aodha, mar a d'iarr Roibeard Mac Ádhaimh air a dhéanamh, ach leanann sé air leis an gcáineadh sa litir seo, ar impí a phátrúin,

In your letter of the 4th inst. you requested oppion of the language of the 9th poem of McDonnell's Elegy. I'll give a synoptical oppion of it. You know that I have already given my oppinion of the first and a few other verses of it. ... Third verse—if the luminarys and elements underwent such changes as quoted in this verse the end of the world is just at hand. See St. Luke, Chap. 13, 24-25 verses. ... 5th verse—Your author called uppon Clio, the muse pre[si]ding over history. Instead of directing him she led him astray, if she attended to his call at all. Erato the music of love ... all these faculties and exercise was unbecoming in a lamentation or funeral song. ...<sup>1188</sup>

Níor shásaigh an méid sin Art, agus é agus Aodh fós ag iomaíocht lena chéile.

Dealraíonn sé go raibh Roibeard Mac Ádhaimh tar éis ceann eile de dhánta Aodha a chur chuig Art lena thuairim a fháil air. Athchuaire ar théama 'Tagra an Dá Theampall'—agallamh fileata le hArt Mac Cumhaigh—atá i ndán Aodha, 'Agallamh idir Brádaigh an Spiadhóir agus an Bard Gaeilge', ach amháin gur agallamh é idir Aodh agus máistir de chuid na gcumann bíoblóireachta a bhí tar éis dul le Galltacht.

<sup>1187</sup> LN G702(15), mír 6; Ó Mórdha (1957: 374).

<sup>1188</sup> LN G702(15), mír 6; Ó Mórdha (1957: 374).

Ba cheann de na ceisteanna ba chonspóidí i gcúrsaí Gaeilge san am sin iad na scoileanna sin, ar ndóigh, agus tá a fhios againn ó fhilíocht agus ó litreacha Airt gur thug sé a fhuath dóibh agus dá lucht tacaíochta sa dara cuid den 19ú hAois. Ar an ábhar go bhfuil an dearcadh céanna le brath ar dhán Aodha agus go dtarraingítear go maith ar stair na hÉireann, is dóigh gur tuigeadh do Roibeard Mac Ádhaimh go gcuirfeadh Art spéis san ábhar, murab ionann agus an mhairgne ar an Dr Mac Domhnaill, duine nárbh eol d'Art a bheith ann roimhe sin, is dóigh.

You also asked my oppion on the Dialogue between Brady and the bard etc. It would be worse than common madness to criticise upon it. There is no materials. It is of no body. There is nothing of importance introduced, no history. Ta se gan tlacht, gan tábhacht, ach a cheanda ta se greannmhar. Is righ fear leith-shuil a measg dall etc.

Mr. McAdam, I firmly hope you will not give any part or particle of your Irish collection to the Dublin society to publish, or to any other, to raise their fame on the ruins of your toil and expence, and deprive you of the more solid glory of seeing a happy harvest after so laborious a spring. The men of Belfast, I am sure, are liberal enough to subscribe. They are spirited enough and you have the influence of them. The Dublin Society would destroy the Ulster poetry as they have done with the Annals of the Four Master[s]. I only read the 1st number with Mr. Lambe and I see they have taken Coleraine, Eas Aodh Ruadh, for Ballyshannon. ... The Revd. Mr. Lambe expects you will spend a few days, nay weeks, with him shortly. You are to give me timely notice. He will prepare an Irish sermon that you'l not hear the like in Belfast. ... at any time now that you thought you could stop at home about 2 or 3 days ... I would go down and spend them with you until I look over some of your collection.<sup>1189</sup>

Más fíor gur ghoill an méid seo ar Roibeard Mac Ádhaimh, nó nár ghoill, nuair a scríobh Art chuige arís an mhí dár gcionn, ní bhfuair sé freagra. Ó tharla nach bhfuil an litir sin istigh le páipéir Roibeaird Mhic Ádhaimh anois, is féidir nach bhfuair sé riamh í, ach is doiligh a chreidiúint, cibé rud é, nár ghlac sé cor éigin le ráiteas Airt

---

<sup>1189</sup> LN G702(15), mír 6; Ó Mórdha (1957: 374).

gur dhuine de na dalláin é a bhí meallta le filíocht Aodha. Nuair nár chuala Art scéala uaidh ar feadh sé mhí, mheas sé gurbh amhlaidh a bhí an scéal, ach ní lena leithscéal a ghabháil a scríobh Art arís ar an 6 Lúnasa 1846,

I have not heard a word from you this six months for reasons I know not, save only and except that I placed a mirror before you that fairly reflected the beauties and deformities of Irish poetry. For this, and for this alone, I may say, with St. Paul, that I became your enemy for telling the truth, ... I wrote an Irish poem to you in March last and requested to hear from you when you would read it. I got no ansr. I wrote again in May, and in three weeks after I got the same letter returned with the words “not called for.” ...

Revd. Mr. Lambe thought you would come to see him by now.<sup>1190</sup>

Chuir Roibeard Mac Ádhaimh freagra ag triall air faoi dheoidh ar an 10 Lúnasa 1846, agus gheall dó go dtiocfadh sé ar cuairt chuig Art agus chuig an Ath. Ó Luain sula mbeadh an Geimhreadh istigh, rud a d’fhág Art ‘highly rejoiced’, ach níorbh fhéidir leis gan caitheamh anuas ar Aodh arís,

You said you wished to know the anecdote of Toirdheabhach (sic.) úa Neill, mac Aodh Buidhe (I thought McDonnell knew all the passages in Irish history and Irish families)...<sup>1191</sup>

Tráchtann sé arís ar na cumainn Ghaeilge i mBaile Átha Cliath,<sup>1192</sup> agus tugann sé cuireadh do Roibeard Mac Ádhaimh teacht ar cuairt chuige agus chuig an Ath. Pádraig Ó Luain arís.<sup>1193</sup> Taispeánann an méid sin, cibé rud é, go raibh an tAth. Pádraig Ó Luain agus Art fós i dteagmháil lena chéile. Ba mhinic nach mbacadh

---

<sup>1190</sup> LN G702(15), mír 7; Ó Mórdha (1957: 374-5).

<sup>1191</sup> LN G702(15), mír 8; Ó Mórdha (1957: 375).

<sup>1192</sup> Deir sé, ‘...for on all former occasion[s], from the very earliest period of history that I have seen, the Leinstermen deceived the Ulster Irish ...’, LN G702(15), mír 8. Tá an giota seo i gcló in Ó Mórdha (1957: 375).

<sup>1193</sup> Féach LN G702(15), mír 8, ‘You said you would come to see me before Winter. Give me at least a fortnight’s notice that I may warn Mr. Lamb and I will go to hear him preach in Irish’. Féach Ó Mórdha (1957: 376).

Roibeard Mac Ádhaimh le litreacha Airt a fhreagairt ach go taghdach,<sup>1194</sup> agus ní bhfuair Art oiread agus siolla amháin uaidh arís. Scríobh Art chuige ar an 26 Nollaig 1846.

A serious time has now elapsed since I have heard from you. You stated in your last letter to me you would come to see me before winter time. After [a] time I flattered myself that I would have the consolation of seeing you once more, which I honestly think would occupy one 24 hours of entire rehearsal of Irish poetry, antiquity, etc., but the wintry blasts of December has told me that I would not see you this winter and God only knows who will see the next, for the rod of affliction has withered the land and a direful calamity hangs over the country. In August last I sent the anecdote of Toirdhealbhach Mac Aodh Buidhe Ui Neill to you as you requested. ...<sup>1195</sup>

Dhealródh sé go raibh deireadh leis an aighneas idir é agus Aodh Mhac Domhnaill [2],

I wish to hear from you as soon as possible agus fios go foir-leathan d'fail ... did you lose sight of printing your poetical collection etc. ; how your health and trade is, and also my old friend McDonnell.<sup>1196</sup>

Ón uair dheireanach a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh i mí Lúnasa, bhí sé tar éis conradh a shíniú ar an 10 Meán Fómhair 1846 go ndéanfadh sé obair thógála ar an séipéal úr i mBéal Leice, agus 'two shillings and two pence per perch' mar ráta aige.<sup>1197</sup> Tagraíonn Regan (1959: 431) do thraidisiún áitiúil go gcuidíodh iníonacha

---

<sup>1194</sup> Féach na sleachta seo a leanas:

6 Lúnasa 1846: 'I have not heard a word from you this six months for reasons I know not, ...' LN G702(15), mír 7; Ó Mórdha (1957: 374).

26 Nollaig 1846: 'A serious time has now elapsed since I have heard from you. You stated in your last letter to me you would come to see me before winter time', LN G702(15), mír 9; Ó Mórdha (1957: 376).

3 Aibreán 1849: 'Is i an chruadal mathair gach iontleacht. It is a long time since I have heard a word from you', LN G702(18), mír 1; Ó Mórdha (1957: 377).

<sup>1195</sup> LN G702(15), mír 9; Ó Mórdha (1957: 376).

<sup>1196</sup> LN G702(15), mír 9; Ó Mórdha (1957: 376).

<sup>1197</sup> Síniódh an *Memorandum of Agreement* ar an 10 Meán Fómhair 1846; gheofar cóip de in Regan (1959: 431-2). Is iad Katie Bennett agus Ally Bennett an bheirt iníonacha sin a luann Regan (1959: 431). Luann an meabhrán John Bennett agus Patrick Bennett ón mBaile Caol fosta.

Airt, Ally agus Katie, leis a fhad is a bhí sé ag obair ann, ‘... while he was working he was attended by his two sturdy daughters and ... the trio walked the five miles to Belleek most mornings, returning home on foot in the evenings’. Dhealródh sé go raibh sé ar lóistín i mBéal Leice nuair a scríobh sé an litir thuas, áfach, óir tá an iarscríbhinn seo léi,

P.S. I give you to understand that I live with part of my family in the village of Balleek, 3 miles from Camlough, on the leading road from Newtownhamilton, building a chapel since the 11th Sept. last and will till April next.<sup>1198</sup>

Is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil ach fíorbheagán lámhscríbhinní foirfe ó lámh Airt istigh lena bhfuil againn de chnuasach leabhar Roibeaird Mhic Ádhaimh. Ní thagann ach dhá cheann chun cuimhne—C Add. 3085 (a) (10), ar a bhfuil dátaí idir 1831 agus 1832, ní a thugann le fios dúinn nár do Roibeard Mac Ádhaimh a grafadh í sa chéad áit ach gur bhronn Art air í lá ní b’fhaide anonn. Níl aon taifead uirthi sna litreacha atá againn ó pheann Airt. Is í LN G802 an dara lámhscríbhinn, agus an t-aon cheann acu ar féidir gur scríobhadh í go speisialta do Roibeard Mac Ádhaimh, lámhscríbhinn gan dáta ach a bhfuil an chuma uirthi gur grafadh am éigin idir c.1844 agus c.1850 í. Na giotaí eile atá againn ó lámh Airt, tá siad istigh leis na litreacha, cé gur féidir, ar ndóigh, gur cailleadh cuid mhaith de na saothair a scríobh Art tar éis bhás Roibeaird Mhic Ádhaimh nuair a scaipeadh a chnuasach sna ceithre hairde. Tagraíonn Ó Buachalla (1968: 290) go speisialta dá laghad de chnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh atá i lámh Airt, agus áitíonn sé gur dóigh go dtiocfar ar shaothair eile dá chuid.

---

<sup>1198</sup> LN G702(15), mír 9; Ó Mórdha (1957: 376-7).

Níl aon litreacha ná lámhscríbhinní againn ó láimh Airt a grafadh sna blianta 1847 agus 1848, ná aon eolas eile a thabharfadh le fios go raibh sé bisiúil ar chor ar bith sna blianta sin, chomh fada agus a bhaineann an scéal le cúrsaí lámhscríbhinní.

Dealraíonn sé gur tháinig stad ar na litreacha; nuair a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an mBaile Caol ar an 3 Aibreán 1849, tagraíonn sé siar d'ábhar plé na litreach a scríobh sé ar an 23 Lúnasa 1846,

It is a long time since I heard a word from you. ... The bearer, my son, was going to Lisburn to see a daughter of mine that is hired there. ... My branch of industry is totally stagnated in this place. The bearer is anxious to try other parts for employment. I considered you could not but have some influence on the master builders of that town and therefore I beseech you that you will endeavour to get employment for him, for these hard times have pressed me sorely, and if his mechanical work do not deserve employment let him be turned off. ... Perhaps I spoke too rash heretofore when I remarked to you that on all occasions of importance from the earliest period of history that I have read the Leinster men deceived the Ulster men ...<sup>1199</sup>

Diomaite de gur labhair Roibeard Mac Ádhaimh ar son Airt, níor éirigh leis post a fháil dá mhac. Ba bheag an chaill sin i gcomórtas leis an mí-ádh a lean é, ar ndóigh, agus míníonn Art sa litir a chuir sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 8 Iúil 1849 go raibh ar an teaghlach uilig an baile a theitheadh agus dul, má tá an léamh ceart déanta agam, go dtí an tAontas in Iúr Chinn Trá,

Mr. Dawson disowned having any power in giving employment and handed the matter over to Mr. Richardson whom (sic.) put it off from day to day until several tedious journeys taught us a lesson not favourable nor interesting. A pitiful excuse and a harsh denial was the result. I firmly believe that bigotry and prejudice has no small share in the distribution of work there ...

To crown our misfortunes in them days the cholera raised its head with Gorgon terrors in this neighbourhood and carried off countless numbers of the population. Two or three hours was the longest time they lasted. The mortality chiefly fell on the middle-aged people. Between the pressure of the

---

<sup>1199</sup> LN G702(18), mír 1; Ó Mórdha (1957: 377).

times, the want of employment and the terror of that dreadful malady we were forced to desert our home and go to hardship—. On finding the sickness abated I returned home last night, and, having a long desire of hearing from you, I have written as soon as I got conveniency. It's the first scroll these two months. ...<sup>1200</sup>

Ghuígh Art é scéala a chur chuige, agus dhealródh sé go raibh Aodh Mhac Domhnaill [2] tar éis rud éigin a dhéanamh ar Art fosta, óir chuir Art a thuairisc go cairdiúil sa litir chéanna.<sup>1201</sup> Ní rómhaith a bhí sláinte Aodha thart faoin am seo, agus bhí turais á ndéanamh aige ar fud an Tuaiscirt. Is eol dúinn go bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh an litir thuas, óir tá sí istigh leis na litreacha eile in LN G702, ach is cosúil go ndearna sé neamart di, nó deir Art linn sa chéad litir eile a scríobh sé ar an 19 Eanáir 1850 nach bhfuair sé dada uaidh le fada an lá, agus bhí Art ag coinneáil taifead éigin ar an ábhar a bhí á chur aige chuig Roibeard Mac Ádhaimh; féach go luann sé gur scríobh sé chuige ar an 8 Iúil 1849,

Is ro chosmhuil gar chaillis bridh-neart do mheir ... anuar nach ar sgríobh chugam feadh amsir fhada. Sgríobh mise chugad ar an tochtadh la don Mhíodh Bhuidhe a chuadh thart agus nior freagradh damh ach amhal agus do mbiadh sibh uile marbh. Tuilleadh eile—an file faobhrach focal-cheart a bhíodhis do shior a d'fóchar ar nos na nuasal a nallod .i. Aod ua Domhnaill, gheall se sgríobhadh chugam iar dtíolladh a bhaile do ndiagh a ruag a cuartadh na slainte fa chríslach na tiore. Chur se buarthadh mor orram chomh lag-neartach agus a bhí se anuar a sgar me leis, agus nior chualis focal uadh mur mbas no mur mbeatha o shoin anuas. Is eigin don mhalis soith a theacht tríd tharcuisne no neamh-shuim.<sup>1202</sup>

Bhí cuspóir eile ar fad ag Art, agus é ag scríobh chuig a phátrún, áfach. Chonaic muid cheana gur thairg Art do Sheán Ó Dálaigh 'a sketch of Irish History on the

---

<sup>1200</sup> LN G702(18), mír 2; Ó Mórdha (1957: 378).

<sup>1201</sup> 'At your very earliest convenience I wish you to write and let me know did you and all your friends escape the different distempers of this sickly season, and also my brave old champion, Hugh Mc Donnell, whose kind friendship I'll never forget', LN G702(18), mír 2; Ó Mórdha (1957: 379).

<sup>1202</sup> LN G702(19), mír 1; Ó Mórdha (1957: 379).



sundry occurrences and sufferings of the Irish from the accessions of James I 1603 down to the Union',<sup>1203</sup> leagan Béarla den saothar is ábhar do na litreacha deiridh a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh, rud a chuir deireadh leis an gcairdeas leochaileach eatarthu.

Ba é Ó Buachalla (1965: 135 *n.*19a) a thug faoi deara den chéad uair gurb é an saothar céanna atá i gceist i litreacha na mblianta 1844 agus 1850. Ós rud é gur bhaist Art 'Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile' ar an saothar nuair a scríobh sé é sa deireadh thiar thall idir na blianta 1857 agus 1858, is mar sin a thagrófar dó anseo. Is é rud a thuigfí ó chaint na litreach a scríobh Art chuig Seán Ó Dálaigh an 26 Nollaig 1844 go raibh an saothar scríofa i mBéarla aige cheana féin, agus go raibh sé geall le bheith réidh don chlódóir. Ní mar sin atá sa litir a scríobh Art ar an 19 Eanáir 1850, agus is dóigh gur cheil sé ar Roibeard Mac Ádhaimh go raibh cuid den obair déanta aige le go gceapfadh sé gur scríobhadh an saothar go speisialta dó. Tugann Art cuntas grinn sa litir seo ar an stair a bhí beartaithe aige, ag leagan amach na hábhair a bheadh de dhíth air lena scríobh. Molann sé go láidir dó gurbh fhearr an saothar a scríobh i mBéarla, ar an ábhar go mbeadh an Ghaeilge ina constaic ar an ngnáthléitheoir, agus is ábhar spéise go léiríonn tagairt eile sa litir go raibh síol an amhrais in intinn an phobail trí chéile faoi shaothair Ghaeilge ag an am sin,

I appeal to your good sense whether it were better to compose it in Irish verse with the names of the chiefs that commanded at each of these conflicts, the different tribes that fought under their banners, with the day and date of each of the battles and many others not mentioned above, or have it written in English in the most concise manner that could possibly be done? Should you think it better to have it done in Irish I wish you and McDonnell would put your heads together and have it done so as to bid defiance to the poet, the historian and the critic. Otherwise it were better it was not begun, as it

---

<sup>1203</sup> ARÉ 12E24 (907), lch 73; Ó Buachalla (1965: 135).

requires sound knowledge of Irish antiquity. Should you prefer compiling these conflicts in English, I think I would be a valuable instrument in collecting the materials, if not altogether a guide and compiler. Something like the bulk of a quire of paper would nearly contain the outlines of this subject, ... I would venture to say it would be the most valuable piece of antiquity hitherto issued from the press. ... The work would redeem itself, and I would think that the English is a better plan as the English would be legible to all men and in nowise offensive to any man of any denomination. ... If I am furnished with paper and light ...<sup>1204</sup>

Ní fios cén fáth ar thairg Art an saothar seo do Roibeard Mac Ádhaimh faoi dheoidh, tar éis dó sé bliana a chaitheamh ag obair i bpáirt leis, ach is féidir go raibh baint éigin ag *Fealsúnacht* Aodha Mhic Dhomhnaill [2] leis an scéal. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal gur críochnaíodh an saothar sin sa bhliain 1853, tá leid inmheánach amháin ann gur féidir go raibh Aodh ag obair air chomh fada siar leis an mbliain 1849,<sup>1205</sup> agus tá a fhios againn gur bhuaill Art agus Aodh lena chéile go gairid roimh an 19 Eanáir 1850 ó chaint na litreach a scríobh Art an lá sin.

Níl an freagra a fuair Art ar fáil anois, ar ndóigh, agus cé go bhfuil sé le léamh ar na litreacha atá againn gur thug Roibeard Mac Ádhaimh moladh cúramach éigin d'Art, is dóigh gur chuir sé in iúl go measartha tréan ag an am céanna gurbh fhearr leis an saothar a bheith scríofa sa Ghaeilge. Diúltaíonn Art go glan dó sa chéad litir eile an leabhar a scríobh sa teanga sin, ar an ábhar gur sa treo eile ar fad a bhí an roth ag casadh na laethanta sin. Scríobhadh an litir seo ar an 10 Feabhra 1850, nuair a bhí Art tuairim is 57 mbliana d'aois, agus a fhios go maith aige nach dtiocfadh le duine ar bith dá mhuintir féin a bheith ina chomharba ar a chuid oibre liteartha ar an mBaile Caol,

---

<sup>1204</sup> LN G702(19), mír 1; Ó Mórdha (1957: 380).

<sup>1205</sup> Pléitear seo sa chuntas ar Aodh Mhac Domhnaill [2] i gCaib. 2.63.

The receipt of your last letter gave me more satisfaction of mind than any other letter I got these seven years from any part. I have seen the most of my old acquaintances lopped off these few years past, and I concluded that my own turn must soon come now. And what remains of them, they are getting few in number. I thought they were getting careless about me, so that I may justly say that I withdrew from the communion of men these two years. As for the compiling of the Elizabethan Wars etc. in Irish I would not undertake it upon any consideration. Neither would I count it wise or expedient to have it done so in times like the present, when these dusty records are a translating into English for universal knowledge and are making rapid progress. Moreover by compiling these sanguinary conflicts and brutal massacres in Irish would only serve for individual use instead of diffusing general knowledge, and, therefore, the history and tradition of the same was lost for ever ... As I mentioned to you before my years are advanced, there are none of my family, nor never will be, worth three Jack Straws in talent or inclination. ... If you pledge yourself to me that you and your assistance will print what I provide for you (it will be about a quire of written paper) I'll set about it. ... I would also like to dedicate that piece of antiquity to you and, if I seen it published, I could die content. It would immortalize your name, and, perhaps, mine.

Write to me as soon as you can and let me know whether you will agree to the above or no and that will decide all future expectations.<sup>1206</sup>

Macánta go leor, thug Art deis do Roibeard Mac Ádhaimh, agus níorbh é an t-aon deis amháin a thug sé dó, an tionscnamh a chur ar leataobh sa chás nár thaitin sé leis. Scríobh Roibeard Mac Ádhaimh freagra éigin chuige an 17 Feabhra 1850 a thug le fios go raibh sé fabhrach tacú a thabhairt d'Art, ach go raibh sé meáite air go scríobhfaí an saothar i nGaeilge. Ghéill Art go glan dó sa deireadh thiar thall, agus gheall sé dó i litir a scríobh sé chuige an 24 Feabhra 1850 an saothar a scríobh i nGaeilge. Chuir Art sampla den téacs ar aghaidh fosta lena phátrún a shásamh. Sa litir seo, leagann Art síos an díolaíocht agus na riachtanais eile a bheadh ag teastáil uaidh leis an stair a scríobh.

---

<sup>1206</sup> LN G702(19), mír 2; Ó Mórdha (1957: 381-2).

I received your long wished for letter of the 17th inst. on yesterday. Seeing so many post stamps upon it shews that it went the rounds. Since it is your sincere desire to have the heroic exertions of our Milesian Irish chieftains compiled in the Irish language, I feel bound by the ties of gratitude etc., etc., to comply with your request though it is a laborious task to translate and write them in an historical order. ... As I mentioned to you before there is none of my family was or will be anything worth [while] on points of Irish literature or antiquity and that was the cause that made me give up writing Irish. Now the pressure of the times and the stagnation of my branch of industry, these too heavy judgments, together with a large family to provide for those few years past, has brought me to the lowest ebb, and, I may add, crouching and cowardly. Some days I get snaoisin and three days I get none. This is not in my favour either. An nuar a thainig an tiomlan a gcionn a cheile bhual siad mise sios agus chongbhuigh siad sios me. Upon last spring I did not get one pennyworth of seed in the ground of any kind whatever, but on the contrary I was obliged to mortgage my little spot of land for £2.0.0, and, if I do not redeem it on or before the 17th of March, I am done with it for 6 years more, a term that I'll never see. This is another addition to my griefs, all these misfortunes, is the worst of employment.

Now to be brief, if you hazard £1-0-0 upon antiquity, as you have often done before, and send it to me and a ... waste book of good paper and good size, I'll begin immediately and write the most shining volume upon antiquity that ever appeared in Irish in the North for you, Comhric na nGaothil agus na nGall le Cheile. ... As soon as ever you read this letter write back to me. ... You know I cannot live on the air whilst I would be taken up with that task. Should it not meet your approbation it will never diminish the respect and esteem that I hold you in while I live ...<sup>1207</sup>

B'in an dara deis a thug Art dó éirí as. Chuir Roibeard Mac Ádhaimh leathchoróin chuige agus cúpla giota páipéir agus d'iarr sé air, ar bhealach éigin, sampla eile den téacs a chur ar aghaidh chuige. Is iomaí duine a thrácht ar an léiriú a thugann na litreacha seo ar Art trí na blianta, agus de na haidiachtaí uilig a úsáidtear le cur síos ar a phearsantacht níl focail ar bith eile ar mó a úsáidtear iad ná 'teasaí' agus 'goilliúnach'. Ba chothromach an cur síos a rinne Ó Mórdha (1957: 363) ar nádúr Airt, mar a léirítear sna litreacha é, 'Bennett's self-assurance, touchiness, and

---

<sup>1207</sup> LN G702(19), mír 3; Ó Mórdha (1957: 384-5).

prejudices are clearly portrayed ... as are his kindness, his mass of wide and varied, if undisciplined, learning, his enthusiasm for the literature of his native district, his illnesses, his frequent bouts of pessimism, his personal worries and problems’, agus ‘the ... Lear-like defiance’ a léitear ar na litreacha deiridh. Cuireann Ó Buachalla (1968: 202) an locht ar an mbeirt acu go hindíreach, ‘Bhí Art ró-neamhspleách is Roibeard ró-chúramach, is dócha, is scaradar’. Tugann Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 18) ómós dá dhílse a bhí Art do shaothrú na Gaeilge in ainneoin a bhoichte is a bhí sé, ‘Ba iontach misniúil an mhaise dó leanúint ar aghaidh ... agus an saol ag dul ina choinne’, agus ba cheart sin a chur san áireamh agus na litreacha á léamh againn. Níor bheag an maslú é d’fhear a bhí ag gabháil don Ghaeilge a léamh agus a scríobh ar feadh breis agus tríocha bliain, fear a raibh meas air de bharr a chuid foghlama ina dhúiche féin, fear a thug a thoil agus a dhúthracht do dhéanamh na lámhscríbhinní nuair ba stuama dó éirí as—a chuid oibre, an saothar mór a bhí ar na bacáin aige le fada, a bheith á mheas giota ar ghiota ionann is gur sraith cleachtaí scoile a bhí ann. Ní ceist dúinn, áfach, go raibh Art tar éis a mhéar a chur ar an ní nach raibh Roibeard Mac Ádhaimh ag iarraidh a rá, agus níorbh fhada nó gur scríobh Art litir ghiorraisc fhíorghlic mar fhreagra dó an 20 Márta 1850,

I acknowledge the receipt of your letter inclosing a few sheets of paper and 2s. 6d. I cant say (altogether) that you made little of my proposed work. It was as much as the Redeemer of the World was sold [for]. I anticipated the result. Now, Sir, your whole care at first was that I would consent to write that laborious treatise in Irish. To gratify you I agreed. Secondly you wanted a page or two of the beginning of that history. I gave a hurried sketch. Then you want a sheet or two and, you’l tell your mind, probably a quire or two would be next on the talley. Look north or south, and, if you find any person that is able to compile the same for love or money, close with them. You might get someone. I see plainly that a few shillings weighs more heavy with you than all the antiquity that I could procure for you. ... Again I’ll [give] you another chance, viz. send 17/6 more and a waste book of large size (as there is no good paper to be got in Newry) and I’ll write a most valuable work for

you. Otherwise I will send your 2s. 6d. to you and then bid farewell. Please yourself. ...<sup>1208</sup>

Chuir Roibeard Mac Ádhaimh freagra borb de chineál éigin ar ais chuige, ach bhí an briathar deireanach ag Art, a scríobh an méid seo mar dhara babhta an 3 Aibreán 1850,

You seem to be a little nettled at my last letter to you, and, if you would know but all, I was not less surprized at yours, a man of such profound knowledge, such a lover of antiquity, and expresses such great anxiety of establishing the Irish language, that you would not patronize it with more liberality and cleverness. You subscribed to Daly's publications before he ever furnished you a scratch of his. Ac biodhinn adharca mor ar na [buaibh i] bhfad ua bhaile. It was not the case with me, if it was only acknowledged. ... Did you think that I could sit down in times like this and compile the memoirs of a nation embroiled in wars for nearly 600 years upon such encouragement, ... You mentioned that you had several Histories of Ireland. I don't dispute that case in the least, but the question is if they be real genuine. Every lover of truth and impartial reader must admit that the historians of several centuries past, until of very late days, were mostly Englishmen, Protestants or apostate Catholics, who sacrificed their cause on the altar of hatred of the religion they deserted, and endeavoured to conceal the crimes of their party in the background of the picture by delineating the atrocities of the vanquished in the blackest colours. All the enormities common to mankind were heaped upon the Irish by these writers, particularly on the Catholics. ... I know you are better informed than that to be bigoted. Probably you will be disgusted at this letter as well as the last, but the facts herein stated are too forcible to be refuted and too clear to be obliterated.

Do not conceive the slightest thought that my intention is, whilst writing these lines, is to provoke you in any shape. Neither will I offer to regain your friendship, which I think is knocked out of joint, for I am of that cast of mind that I flatter no man whatever. It was merely my intention to give you to understand that there is more Irish history slumbering in the rocks of Ballykeel than ever Belfast was possessed [of]. It was cradled and nursed there and most likely never will awaken. I proposed to you three times to make you the only legatee of that valuable treasure which I never offered mankind before nor never, never will again, but you declined. What I asked for my trouble would not amount to twopence per day whilst I would be engaged with it. I am full as glad you did not encourage me as the task was a serious one, yet at that time I would perform my engagement, even at the hazard of my very life, before I would retreat.

---

<sup>1208</sup> LN G702(19), mír 5; Ó Mórdha (1957: 386-7).

Ach coimhnuigh an sean-fhocal, gur chaill tu an chaora d’easbhuidh an tearra, mur cailleadh an t[-]each d’easbhaidh an chrú. ...

P.S. At any time hereafter that I chance to see a song that will attract my notice or any other short poem I will write it to you as cheerful as ever, ...

And as the Lord hath given you free will I will not controul you. You are at your liberty to answer this letter or no as shall seem meet to you, but, if you think it worth your notice, write as soon as you can.<sup>1209</sup>

Cuireann sin deireadh leis na litreacha. An chéad lámhscríbhinn eile atá againn ó láimh Airt, COBÁC M20, léiríonn sí go raibh sé tar éis pátrún úr a fháil dó féin faoi thús na bliana 1852. Chuir Art colafon le COBÁC M20, an t-aon cholafon atá inti, ar an 11 Eanáir 1852.<sup>1210</sup> Comhleabhar atá sa lámhscríbhinn seo, is dóigh, mar a míníodh sa phlé ar na lámhscríbhinní ag tús an chuntais seo, agus is doiligh aon rud fiúntach a rá fúithi gan réamhchuntas fadálach a thabhairt ar a nádúr. Mar gheall ar uimhriú na leathanach, is féidir trí chuid bhunúsacha a dhéanamh den lámhscríbhinn ach grafadh an chuid is mó di sa bhliain sin don ‘Rev<sup>d</sup> Dear Sir’ a luaitear i litir atá istigh léi dar dáta an 27 Aibreán 1852. Bhí, ar ndóigh, an phríomhchuid den lámhscríbhinn scríofa ag Art faoin am sin. Is fiú an litir a thabhairt ina hiomláine anseo,

27 April 1852

Rev<sup>d</sup> Dear Sir,

I went to the post office of Forkhill on Good Friday last and there I seen a large multitude of the most wretched fugitives trudging after M<sup>r</sup> Young to church. Each of them had an Irish Bible. I was told the[y] attended that Synagogue every day during that week and received their communion. These shameful doings had set the feathers on end upon me and prompted me to give vent to my feelings in the foregoing lines which I submit to your profound judgement. Please send me word of what you would like to get first as soon as you find it convenient. I am somewhat better from the cough and it will pass some dull hours for me to copy them. We will strive to keep these valuable fragments from perishing and the immortal fame of their respective authors. This was my sincere desire from the first dawn of my reason. It’s little matter that I would be poor. Many and many a time these 20 years past I

<sup>1209</sup> LN G702(19), mír 6; Ó Mórdha (1957: 387-9).

<sup>1210</sup> Lch 111.

was promised a high salary if I would join the corrupted system. I'll live and die on the alms of the humane before I bring scandle on my creed or family,  
A. Bennett.<sup>1211</sup>

Ba é Énrí Ó Muirgheasa (1936: 361) an chéad duine a scríobh, go bhfios dom, gurbh é an pátrún seo an tAth. Pádraig Ó Luain a raibh Art mór leis chomh fada siar leis an mbliain 1825, agus táthar taobh leis sin le fada an lá.<sup>1212</sup> Nuair a chuir Laoide (1904) ‘Seachrán Chairn tSiadhail’ in eagar as an lámhscríbhinn sin corradh agus tríocha bliain roimhe sin, tuigeadh dó gurbh é an tAth. Mag Mathghamhna, sin an Canón. Patrick Joseph McMahon (c.1819-1888), S.P. Dhomhnach Maighean, a bhí ar intinn ag Art, agus gur don sagart seo a scríobhadh COBÁC M20.<sup>1213</sup> Creidim féin gur féidir a rá nár don Ath. Ó Luain a scríobhadh COBÁC M20, cé nach bhfuilim in ann aon eolas a chur ar fáil a thacódh le nótaí Laoide (1904). Tugann an litir thuas roinnt eolais dúinn faoin té dár grafadh an lámhscríbhinn. Sa chéad áit, léiríonn Art go bhfuil sé ag scríobh chuig pátrún foirmeálta dá chuid, ‘Please send me word of what you would like to get first’, ar sagart é. Cé go dtaispeánann Art go raibh sé tar éis teagmháil a dhéanamh leis an sagart seo am éigin roimhe sin, ‘I am somewhat better from the cough’, is ábhar spéise go labhraíonn sé leis an bpátrún sa dóigh nach raibh aithne cheart aige air; féach go ndéanann Art iarracht mórán spáis a chur idir é agus lucht léite an Bhíobla Gaeilge, gur cheap sé dán ar ‘wretched fugitives’ an Oir. Young. B’fhéidir go léifí ar an dá abairt dheiridh go raibh Art ag iarraidh é féin a chosaint ar ráflaí gur mháistir de chuid an *Irish Society* é uair. Ní bheadh air sin a dhéanamh dá mbeadh sé ag scríobh chuig an Ath. Ó Luain, a thuigfeadh go maith nár bhall den chumann é Art le fada an lá, agus nach dtógfádh air é, ar ndóigh, go raibh sé ag teagasc don chumann sular tharla an t-aighneas mór idir na máistrí agus

<sup>1211</sup> COBÁC M20, lgh 9\*-10\*. Tá sí i gcló in Ó Muirgheasa (1936: 361) agus in Ó Muirí (1994: 35).

<sup>1212</sup> Féach Ó Buachalla (1968: 202; 1979: 339), Ó Muirí (1994: 35), an *N.L.I. Cat.*, ix, 73.

<sup>1213</sup> Féach nóta 1119 thuas, áit a bhfuil tagairtí do Laoide (1904).



an chléir Chaitliceach tuairim is an bhliain 1828. Is aisteach gur chinn Art ar an dán *Ceistim diagairí Inis Fáil* a chur sa lámhscríbhinn, aoir ar bhoinn an Athar Maitiú agus ar na cumainn ólséanta a bhí gníomhach ón dara leath den 19ú hAois ar aghaidh.<sup>1214</sup> Diomaite de go bhfuil cuid mhaith filíocht úr sa lámhscríbhinn, tugann Art mórán seandánta dá chuid, cuid acu a cumadh chomh fada siar leis an mbliain 1825, agus tá ina measc na trí dhán a cheap sé ar Aodh Mhac Domhnaill [2] a luadh cheana, agus teidil orthu a thaispeánann go raibh Art fós giota beag binbeach faoi ‘Hugh M<sup>c</sup>Donnell[’s] conduct for assuming the name of a poet’,<sup>1215</sup> mar is teideal do *D’imigh an t-iasc a bhí san Bhóinn* sa lámhscríbhinn. Scríobh sé cóipeanna eile díobh arís ceithre bliana ina dhiaidh sin do phátrún eile. An dán molta a cheap Art ar an ‘gCiúin Mac Ádhaimh’ thiar sa bhliain 1844, *Is iomaí léan a fuair Inis Fódhla*, tá sé istigh i ngreim leis na dánta eile, ach san áit a bhfuil—

Seo an ruaigeadh a thug Aodh Ruadh ar dtús don Spáinn,  
Is na sluaite dár n-uaisle go dlúth ina dháil,  
D’fhág fuaim bhlasta ár dteanga shnuashnasta i smúid faoi smál,  
Is gan neach fá thuaidh anois ar shlí a fuascailt ach an Ciúin Mhac  
Ádhaimh.<sup>1216</sup>

—sna leaganacha a cuireadh chuig Roibeard Mac Ádhaimh agus chuig Seán Ó

Dálaigh, tá i lámhscríbhinn na bliana 1852,

Seo an ruaigeadh a thug Aodh Ruadh ar dtús don Spáinn,  
Is na sluaite dár n-uaisle go dlúth ina dháil,  
D’fhág fuaim bhlasta ár dteanga shnuashnasta i smúid faoi smál,  
Is ceiliúir gruama gan suairceas do mhúineadh do chách.<sup>1217</sup>

<sup>1214</sup> COBÁC M20, lch [87b]. Cuireadh é i gcló in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 52). Gheofar tuilleadh eolais ar chúlra an dáin seo in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 98-9), ar beag leo an teachtaireacht a bhí ann, agus in Céitinn (1998).

<sup>1215</sup> COBÁC M20, lch [87c].

<sup>1216</sup> ARÉ 23H34 (718), lch 167 (an chóip a scríobh sé do Roibeard Mac Ádhaimh an 12 Samhain 1844), LN G780, lch 80 (an chóip a sheol sé chuig Seán Ó Dálaigh, 1844, agus a bhí istigh le ARÉ 12E24 (907) uair). Cuireadh an leagan sin i gcló in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 51), áit a bhfuair mé an chóip thuas. Tá corrathrú déanta agam ar an bponcaíocht.

<sup>1217</sup> COBÁC M20, lch [87f]. An leagan a cuireadh i gcló in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 51), ach gur athraigh mé an phoncaíocht, agus gur chuir mé an mhalairt a luann siad sna nótaí (Ó Fiaich & Ó Caithnia 1979: 98) isteach in áit na ceathrú líne.

Dhealródh sé gur tháinig stad ar na litreacha idir Art agus Roibeard i mí Aibreáin 1850, agus bhí sé le stróiceadh as corpas filíochta Airt dá bharr sin; ceap magaidh leathoilte a bhí in Aodh Mhac Domhnaill [2] arís. Fuair Seán Ó Dálaigh greadadh arís, óir tá cóip den aoir a cheap Art air i mí Eanáir 1845, *Is ard an chéim a bheir Seán Ó Dálaigh*, scríofa go nua aige fosta dá phátrún úr.<sup>1218</sup> Níor leor sin d'Art: díreach leis an scéal a shuíomh ina chomhthéacs ceart, chuir Art de chúram air féin tamall gairid ina dhiaidh sin dhá dhán Mhuimhneacha as *Reliques of Irish Jacobite Poetry* (1844) a chóipeáil, ceann le Seán Clárach Mac Domhnaill agus ceann eile le hEoghan Ruadh Ó Súilleabháin. Tugann sé nóta fada ar an bhfáth ar scríobhadh iad,

These two poems is written in the Munster dialect which differs somewhat from ours. They were published by John Daly (Secretary to the Celtic Society). I have copied them with great exactness though I was sensible that I aspirated letters that should not be aspirated and omitted others that should be aspirated. My reason for writing these was merely [to] show the disparity of harmony and sublimity between these and our own northern songs. Daly has styled Seaghan Clarach M<sup>c</sup>Dona[ld] the prince of Irish poets, without any dread of having his tongue burned through with a hot Iron, or branded in the forehead with the same instrument for retailing falsehood. When you will read these two songs, I would like [to] hear your oppi[nion] of them some time that you would find it convenient. Please remember the tri rainn & abhran that I gave to you on the day I was at your place, beginning with

Is ard a' cheim a bheir Seathan Ua Dailaigh  
do ollamh is do bhaird na tire shuas;  
sheid se gall-trompa laidir  
le Mac Domhnall Clarach is Ua Suleabhan Ruadh.

<sup>1218</sup> Is fiú beagán eile a rá faoi leagan amach na lámhscríbhinne. Tá an chóip den dán *Is ard an chéim do-bheir Seán Ó Dálaigh* ar na duilleoga gan uimhriú ag deireadh na lámhscríbhinne, ar ar thug mé sraith C i nóta 1118 thuas. Na 16 leathanach seo, ar a bhfuil seacht ndán le hArt, dhá dhán le hArt Mac Cumhaigh, agus dán le Peadar Ó Doirnín, is féidir gur cineál de lámhscríbhinn shamplach iad a scríobh Art lena chumas a léiriú don phátrún. Deirim sin ar an ábhar go ndéantar tagairt sa nóta a scríobh Art ar Sheán Ó Dálaigh i sraith A, lgh 87-[87a], do chóip den dán céanna a bhí Art tar éis a chur chuig an bpátrún, an chóip atá i sraith C, lch [87g]. Ó tharla go raibh sraith A geall le bheith scríofa ag Art ar an 11 Eanáir 1852 (colafon ar lch 111), ciallaíonn sé sin, más treoir iontaofa na huimhreacha leathanach i sraith A ar an dóigh ar scríobhadh an chuid sin, gur grafadh an chóip iomlán den dán ar lgh 87-[87a] roimh an 11 Eanáir 1852. Caithfidh sé gur scríobhadh sraith C i bhfad roimhe sin, agus go raibh Art tar éis an chuid sin a thabhairt don phátrún faoin am ar scríobh sé lgh 87-[87a] de shraith A. Tá an litir dar dáta 27 Aibreán 1852 istigh le sraith B. Is dóigh liom gur scríobhadh COBÁC M20 idir c.1851 agus an 27 Aibreán 1852, nuair a bhí Art ag súil le teoracha eile ón bpátrún.

Is air na hollamh riamhraidhte soith a sgríobh m[é] an beagan bheirsí sin.<sup>1219</sup>

Ní dóigh liom go gcuirfeadh Art an dán sin chuig an Ath. Pádraig Ó Luain, a thaobhaigh le Seán Ó Dálaigh san argóint idir é agus Art, mar a chonaic muid sa nóta a scríobh an tAth. Pádraig chuig Seán Ó Dálaigh an 13 Eanáir 1845; agus mheabhródh cuid de na tagairtí eile sna nótaí nárbh é an tAth. Ó Luain an pátrún.<sup>1220</sup> Deir Ó Muirgheasa (1934: 357), mar a luann Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 108), go raibh cóip den dán Nollag, *Iomad Nollaig bhuach le suáilce dhuit, a Shéamuis*,<sup>1221</sup> a cheap Art don Ath. Séamus Ó Dúiche (c.1777-1863), S.P. Dhomhnach Maighean, 1839-63, istigh le COBÁC M20, ach má bhí, tá sí ar seachrán le corradh agus céad bliain.<sup>1222</sup> Scríobh Art dán eile dó, *Tá sagart fialmhar i gClochar na sua*, am éigin idir na blianta 1849 agus 1852.<sup>1223</sup> An féidir gurbh eisean an sagart dár scríobhadh

---

<sup>1219</sup> COBÁC M20, lgh 87-[87a].

<sup>1220</sup> Níor ghá d'Art a mhíniú don Ath. Ó Luain cérbh é Seán Ó Dálaigh ar lgh 87-[87a], ó tharla gurbh é an tAth. Ó Luain a chuir Art agus Seán i dteagmháil lena chéile sa bhliain 1844. Ní dóigh liom fosta go scríobhfadh Art cóip eile de *A chléirigh (A Phádraig) chaoimh, a mhic Shéain Ruaidh* atá in COBÁC M20, lch [87h], ó tharla gur cheap sé an dán sin don Ath. Pádraig Ó Luain thart faoin mbliain 1845. Cén fáth a gcuirfeadh sé chuige arís é sa bhliain 1852? Féach an teideal atá air, 'On the removal of Priest Lambe from the curacy of Lower Killeavy, to that of Lower Creggan to guard M<sup>r</sup> Carraher in his insanity by A. Bennett'.

<sup>1221</sup> I gcló in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 63).

<sup>1222</sup> Ní bhíonn tagairtí Uí Mhuirgheasa (1934) cruinn i gcinnteacht, agus tagraíonn sé in Ó Muirgheasa (1936: 373) do thrí lámhscríbhinn ina bhfuair sé *Dá mbeinnse saibhir i maoin is in éadail*: '(1) I LS. 17 de mo chnuasacht féin. (2) I LS. 18 de mo chnuasacht féin. (3) I LS. 20 de mo chnuasacht féin. Sé Art Mac Bionaid a sgríobh (1) tuairim 1852... Sé Mata Ó Graeme... a sgríobh (3) ...' Is follas ón méid seo go raibh COBÁC M17 agus COBÁC M20 curtha in áit a chéile aige. Tugann sé COBÁC M17 ar lámhscríbhinn Airt i gcúpla áit eile, Ó Muirgheasa (1934: 247; 1936: 223), srl.

Tá an cruth céanna ar COBÁC M20 anois agus a bhí uirthi nuair a scríobh Énrí Ó Muirgheasa cuntas ar a hábhar ar na fordhuilleoga roimh an mbliain 1918, agus níl de dhífear idir an leagan amach sin agus an chóip di a scríobh Seosamh Laoide in LN G428 ach go bhfuil an litir dar dáta an 27 Aibreán 1852 (COBÁC M20, lgh 9\*-10\*) i dtús LN G428 (agus go bhfuil cúpla leathanach curtha as a n-áit ag Seosamh Laoide trí dhearmad). Is féidir gur grafadh LN G428 thart faoin am a raibh an leabhar, Laoide (1904), á réiteach, agus níl an dán *Iomdha Nollaig bhuach le suáilce dhuit, a Shéamuis*, luaite in LN G428 ná i gcatalóg Énrí Uí Mhuirgheasa. Ó tharla go dtugann cuid de na nótaí a scríobh Énrí Ó Muirgheasa ar COBÁC M20 le fios gur bhain sé ábhar aisti d'Ó Muirgheasa (1934) sa bhliain 1930, creidim nach raibh an dán sin sa lámhscríbhinn riamh, agus go bhfuair Énrí an dán in COFLA D7.

<sup>1223</sup> I gcló in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 62), agus tá plé ar an dáta in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 106-8). Tá an tAth. Séamus Ó Dúiche (c.1777-1863), ábhar molta na ndánta, agus an tAth. Séamus Ó Dúiche (ob.1858), scoláire Gaeilge, trína chéile acu.

COBÁC M20? Bhí an tAth. Mag Mathghamhna ina chomharba indéach air i nDomhnach Maighean, agus is féidir gur leis an lámhscríbhinn lá den saol.

Níl aon eolas ar fáil i dtaobh na mblianta 1853 ná 1854, ach go luaitear Art i liosta scoláirí Gaeilge a chuir Patrick O’Farrell le chéile, agus a priontáladh ar an *Weekly Telegraph* an 9 Aibreán 1853.<sup>1224</sup> Cé nár mháistir scoile é Art riamh, ach amháin le linn an chúpla bliain a chaith sé ag obair don *Irish Society*, is dóigh gur theagasc sé léamh agus scríobh na teanga do dhuine nó beirt a chuir spéis ann. Mac léinn amháin dá chuid ab ea Proinsias Mac Uinseann (c.1838-1901) ón gClárchoill, Foirceal, a d’fhoghlaim léamh agus scríobh na Gaeilge, a theanga dhúchais, ó Art (Céitinn 1979: 2; Ó Muirí 1994: 15; Ní Uallacháin 2003: 385-6). Ní fios dúinn cá huair a thosaigh Art ar lámhscríbhinní a ghráfadh don phátrún deiridh a bhí aige, Éamonn Augustus Mag Aonghusa (q.v.). Díograiseoir Gaeilge a bhí in Éamonn Augustus, dealraíonn sé, agus dhíol sé le hArt as aon lámhscríbhinn déag—nó tháinig an méid sin slán—a ghráfadh dó idir na blianta 1855 agus 1860. Pléadh iad bunús uilig sa chuntas ar Éamonn Augustus Mag Aonghusa thuas, ach is fiú cúpla pointe fúthu a lua. Ábhar cráifeach atá i gcuid mhaith de na lámhscríbhinní, agus tá an chuma orthu gurbh idir na blianta 1856 agus 1857 a rinneadh an chuid is mó den obair, cé go dtugann colafon amháin le fios go raibh Art ag obair d’Éamonn Augustus chomh fada siar le mí na Samhna 1855. Nuair a theip ar Éamonn Augustus lámhscríbhinní a scríobh go sásúil i mí an Mhárta 1856,<sup>1225</sup> d’iarr sé ar Art ábhar a chóipeáil dó, rud a thug fostaíocht d’Art ar feadh cúig bliana ar a laghad. Ba idir mí na Bealtaine 1857 agus mí Eanáir 1858 a ghráf Art an leabhar staire, ‘Comhrac na nGaedheal agus na nGall

---

<sup>1224</sup> Tá an liosta i gcló in Ó Casaide (1940: 257).

<sup>1225</sup> Féach COFLA D10, lgh 1-46, agus an cuntas ar Éamonn Augustus Mag Aonghusa i gCaib. 2.38 thuas.

le Chéile’, rud a thairg sé do Sheán Ó Dálaigh sa bhliain 1844 agus do Roibeard Mac Ádhaimh sa bhliain 1850.

Bailiúchán ilghnéitheach téacsanna iad na lámhscríbhinní seo, cé go bhfuil claonadh beag i dtreo ábhar cráifeach. Is iad na cinn is tábhachtaí acu seo COFLA D7, ar cnuasach de théacsanna nua-aimseartha í, sin agus an leabhar staire, ‘Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile’, ar ndóigh. Cé gur scríobhaí mór le rá é Art, tá dealramh na fírinne ar chaint Bhreandáin Uí Bhuachalla (1979: 342-3) go scríobhadh sé go meicniúil measartha, gan aird aige ar leithne ná ar chaoile consan, mar a thug seanchara leis, an tAth. Pádraig Ó Luain, faoi deara fosta,<sup>1226</sup> ach is éasca meabhair a bhaint as a chuid scríbhinní gan mórán stró ar an móróir.<sup>1227</sup>

Tá glacán scéalta rómánsaíochta uathúla sa dá lámhscríbhinn dheireanacha a bhreac sé d’Éamonn Augustus idir na blianta 1858 agus 1860, agus deir sé linn gur bhain sé cuid de na téacsanna as ceithre lámhscríbhinn éagsúla a breacadh i gCo. Ard Mhacha agus sa chuid íochtarach de Cho. Lú san 18ú hAois, ceann a scríobh Arthur Brownlow,<sup>1228</sup> mar dheia, sa bhliain 1729 ina measc, mar a chonaic muid thuas.<sup>1229</sup>

Pléadh na scéalta seo, nach bhfuil fáil orthu i lámhscríbhinní eile, in Ó hUiginn (2009: 394-400), agus ní dócha go bhfuil léamh eile ar an scéal, ar bhonn na fianaise

---

<sup>1226</sup> Mar a scríobh an tAth. Pádraig Ó Luain chuig Seán Ó Dálaigh, an 13 Eanáir 1845, ‘After I received your letter [dar dháta 10 Eanáir 1845] I went to Bennett to the parish of Forkhill, who, not withstanding his obstinacy in other things, immediately consented to allow you the just liberty of following the old Irish rule of *caol re caol* and *leathan re leathan* with regard to his MSS. ...’, LN G389(14); i gcló cheana in Ó Buachalla (1965: 137).

<sup>1227</sup> Féach, mar shampla, Ó Mórdha (1957: 364). Maidir lena chuid peannaireachta, féach an liosta plátaí a tugadh ag tús an chuntais seo. Is maith an léargas a thugann an leagan dioplomáideach de ‘Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile’ in Ó Muirí (1994) ar a chumas litrithe. Pléitear ‘canúint’ lámhscríbhinní Airt in Ó Muirí (2004).

<sup>1228</sup> An té a ndéantar tagairt dó i nóta 1738, Airtíúir Mac Airtíúir Brownlow (1645-1712).

<sup>1229</sup> Sa phlé a rinneadh ar Éamonn Augustus Mag Aonghusa, pátrún na lámhscríbhinní seo, i gCaib. 2.38.

a bailíodh san alt sin, ach gur chum Art é féin na téacsanna seo am éigin i rith a shaoil agus gur luaigh sé foinsí bréige leo le cuma bharántúil a chur orthu.<sup>1230</sup>

De réir an tseanchais a fuarthas thart faoin mBaile Caol go luath san 20ú hAois, mhair Art a bhean, Mary Bennett, sa dóigh gur thug an bheirt iníonacha, Katie Bennett agus Ally Bennett, aire dó go dtí go bhfuair sé bás. Cailleadh é ar an mBaile Caol, de réir an teastais bháis, in aois a 86 bliana ar an 10 Márta 1879.<sup>1231</sup> A mhalairt de scéal a insíonn na taifid dúinn i dtaobh a mhná, áfach: dealraíonn sé go raibh Máire beo faoin am ar cailleadh Art, agus gurbh ise an bhaintreach darbh ainm Mary Bennett a fuair bás ar an mBaile Caol ar an 12 Nollaig 1885 in aois a 91 bhliain.<sup>1232</sup> Tugann na *Cancelled Land Books* le fios go bhfuair Mary Bennett seilbh ar theach Airt tar éis a bháis.<sup>1233</sup> Agus ós eol dúinn go raibh Katie pósta agus cónaí uirthi i gCo. an Dúin, dhealródh sé gurbh í Máire, bean Airt, agus Ally a thug aire dó agus é ag druidim le deireadh a ré. Tar éis d'fhear Katie bás a fháil sa bhliain 1892, díoladh an fheirm a bhí aige, agus dhealródh sé gur fhill sí ar an mBaile Caol ansin, sa dóigh gurbh ann a bhí cónaí uirthi an uair a cailleadh a deirfiúr Ally Bennett, an 2 Bealtaine 1898, agus as sin amach go dtí lá a báis féin, an 16 Feabhra 1917. Ba í

---

<sup>1230</sup> Tá dealramh na firinne ar na tagairtí a dhéanann sé dá 'eiseamláirí' ach ní léir gurbh ann do Michael Conery, Michael Brady ná Bryan Beg McArdle ar chor ar bith (Ó hUiginn 2009: 409 n.12), agus tá cruthúnas againn nach féidir brath ar an tagairt a dhéanann sé do Arthur Brownlow, ós rud é go raibh sé marbh faoin mbliain 1729 (Ó Buachalla 1979: 345 n.2). Tá roinnt tréithe canúna agus foclóra i gcoitinne ag na scéalta le 'Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile' (Ó hUiginn 2009: 398-9), agus níor ghnás d'Art a chuid eiseamláirí a lua sna lámhscríbhinní eile a scríobh sé. Le sochar an amhrais a thabhairt dó, níor mhiste a lua gur scaipeadh a chuid scríbhinní sna ceithre hairde tar éis a bháis agus gur cailleadh cuid mhaith acu, gan amhras (féach nóta 2459 thíos); is léir gur thit an crann céanna ar chuid mhór lámhscríbhinní a scríobhadh i ndeisceart Cho. Ard Mhacha. Gheofar cuntas ar scriosadh na lámhscríbhinní sa dúiche sin i gCaib. 1.1.3.

<sup>1231</sup> OAC, Cláruimhir: 6036965. Tá cóip de chuid de na sonraí a thugtar ar an teastas in Ó Buachalla (1968: 264 n.9a).

<sup>1232</sup> Fuair triúr baintreach darbh ainm Mary Bennett, a bhí ar comhaois le bean Airt, bás ar an mBaile Caol idir 1879 agus 1901, ach is féidir an Máire seo againne a cheangal leis an mbean a cailleadh ar an 12 Nollaig 1885. Tugtar tagairtí in Aguisín 8.

<sup>1233</sup> PRONI, VAL/12/B/15/18A. Bhí an clár seo in úsáid idir 1866 agus 1882. Bhí Arthur Bennett ina áititheoir ar mhionghabháltais 23A-C sa Bhaile Caol; cealaíodh a ainm sa bhliain 1881 agus cuireadh Mary Bennett ina áit. Leagadh £2.15.0 ar na trí mhionghabháltas. Baineadh Mary Bennett de na cláir sa bhliain 1901, PRONI VAL/12/B/15/18C, agus cuireadh a hiníon, 'Cath<sup>e</sup> Murnan' ina háit. Tugtar eolas breise in Aguisín 8.

Katie, ar an ábhar sin, an iníon ar bhuail an tAth. Ó Domhnalláin léi sa bhliain 1908, agus a d'inis scéal dó gur thug Art ‘the full of a handkerchief ...’ de lámhscríbhinní dá mhac John Bennett, a thóg leis iad go Sasana (Donnellan 1908: 67), scéal a phléifear ar ball beag.

Tá cúpla scéal againn, ar ndóigh, faoin gcrann a thit ar chnuasach lámhscríbhinní Airt. Cibé acu a chreideann muid go raibh lámhscríbhinní de chuid Pheadair Uí Dhoirnín aige nó nach raibh (agus creidim féin go raibh), caithfidh sé, mar gheall ar shaibhreas an ábhair a ghraf sé d’Éamonn Augustus Mag Aonghusa idir na blianta 1855 agus 1860, go raibh leabharlann measartha mór de lámhscríbhinní ina theach aige, agus taispeánann na lámhscríbhinní seo fosta nár dhíol sé gach a raibh aige de sheanlámhscríbhinní le Roibeard Mac Ádhaimh. Chonaic muid cheana go ndúirt Katie, iníon Airt, leis an Ath. Ó Domhnalláin (Donnellan 1908: 67) thart faoin mbliain 1908 gur thug Art lear mór lámhscríbhinní dá mhac John Bennett nuair a bhí sé ag dul go Sasana,

And not very long ago Michael Bennett, of Ballykeel, a nephew of Art Bennett’s, assured me that he had known as much as a large sackful of Art’s MSS. to be sent away to England; “Aye,” he said, “as much as a strong man could carry on his back.” A daughter of Art’s, who still lives in her father’s house, saw him give the full of a handkerchief of his writings to his son when he was going to England.<sup>1234</sup>

Dealraíonn sé gur fágadh lámhscríbhinní eile i dteach Airt ina dhiaidh sin, óir d’éirigh leis an Ath. Seán Ó Néill, S.P. an Mhullaigh Bháin, an t-eolas seo a fháil ó Pat Bennett, garmhac le John Bennett (ar dheartháir le hArt é),

Jimmy Bennett, Ballykeel (living) and Patrick Bennett, Ballykeel – the latter now lives in Shanroe, Mullaghbawn – are grandnephews of Art’s. Their grandfather, John Bennett, was a brother to Art and lived quite close to where

---

<sup>1234</sup> Donnellan (1908: 67). Faoi athchló in Ó Casaide (1929*e*).

Art lived. John Bennett who survived Art took possession of his books and manuscripts, at least they were transferred to John Bennett's house. In about 1908 four priests arrived in a car and took books and manuscripts away. So Pat Bennett, Shanroe, told me. He was present when the priests arrived. He does not know who they were. I suspect one of them may have been Fr Luke Donnellan C.C., Crossmaglen and the other Dr Loughran C.C., Dromintee. This is only a guess on my part.<sup>1235</sup>

Tá mé ag ceapadh, ó na taifid atá feicthe agam, gur mhac le Michael Bennett (mac le John Bennett) ón mBaile Caol é Pat Bennett, an Michael a luadh in Donnellan (1908: 67). Tharla deich lámhscríbhinn de chuid an aon lámhscríbhinn déag a ghráf Art d'Éamonn Augustus Mag Aonghusa (*q.v.*) i gcnuasach an Ath. Uí Dhomhnalláin,<sup>1236</sup> am éigin idir na blianta 1903 agus 1907. Ós rud é go raibh an tAth. Ó Domhnalláin ar thóir na lámhscríbhinní i ndeisceart Cho. Ard Mhacha thart faoin mbliain 1908, b'fhéidir gurb é an léamh is loighciúla a d'fhéadfaí a bhaint as an méid sin gur dhuine den cheathrar sagart é an tAth. Ó Domhnalláin a rug leo na lámhscríbhinní a bhí ag John Bennett, agus gur cuid de na lámhscríbhinní a rug siad leo na deich n-imleabhar mhóra sin i bpeannaireacht Airt a bhí i gcnuasach an Ath. Uí Dhomhnalláin seal. Tá cúpla deacracht leis seo, ar ndóigh. Chonaic muid thuas gur ghráf Art na deich lámhscríbhinn sin d'Éamonn Augustus idir na blianta 1855 agus 1860, gur choinnigh Éamonn Augustus iad go dtí an lá a bhfuair sé bás, an 8 Meán Fómhair 1877, agus go raibh cuid de na lámhscríbhinní idir lámha ag Robert F. Maginnis, mac le hÉamonn Augustus, sa bhliain 1878. Má tá muid le glacadh leis gurb iad na deich lámhscríbhinn sin na cinn a bhí i dteach John go dtí c.1908, agus a fuair sé tar éis bhás Airt, ciallaíonn sé sin gur aistríodh na lámhscríbhinní go teach

---

<sup>1235</sup> Litir ón Ath. Seán Ó Néill chuig Séamus P. Ó Mórdha, an 12 Nollaig 1956. Tá an chuid seo dí i gcló in Ó Muirí (1994: 12).

<sup>1236</sup> Is iad na lámhscríbhinní sin: CM T1 (*ol.* D4), CM T2 (*ol.* D5), COBÁC A49, COFLA D6, [COFLA D7], COFLA D8, COFLA D9, COFLA D10, COFLA D12, COFLA D13, SPE. Féach Ó Muirí (1994: 514-17), Ó Cuinneagáin (1998), agus Ó Doibhlin (1999-2000).



Airt am éigin idir an bhliain 1878, agus an lá a bhfuair Art bás, is dóigh, an 10 Márta 1879. Bheadh amhras mór orm go ndearnadh sin, áfach.

Mura nglacann muid leis sin .i. nach iad na lámhscríbhinní céanna iad na cinn a bhí ag Robert F. Maginnis agus na cinn a bhí ar an mBaile Caol go dtí c.1908, ciallaíonn sé sin go bhfuil, nó go raibh, cnuasach eile lámhscríbhinní ar le hArt iad ann áit éigin. Agus má tá, ní fios dom cá bhfuil siad. Is beag lámhscríbhinn atá againn ó láimh Airt nach féidir a cheangal le pátrún amháin nó eile. Tá lámhscríbhinn amháin, áfach, i gcnuasach an Ath. Uí Dhomhnalláin de chuid mhuintir Mhic Bhionaid nach dóigh go raibh sí ag Éamonn Augustus riamh—COFLA D3 (a), an giota lámhscríbhinne sin a ghráf Michael Bennett sa bhliain 1810. Agus is doiligh réiteach nó míniú a thabhairt ar an dóigh ar tharla an liosta sin de dhátaí breithe agus báis mhuintir Mhic Bhionaid a bheith greamaithe den taobh istigh de chlúdach COFLA D10 a bhfuil an t-ainm ‘E. A. MAGINNIS’ greanta ar a clúdach, murab é gur filleadh na lámhscríbhinní ar theach Airt tar éis bhás Éamonn Augustus. Má ghlacann muid leis gurb iad lámhscríbhinní Éamonn Augustus na cinn a bhí i dteach John, agus gur dhuine de na sagairt sin an tAth. Ó Domhnalláin, caithfidh sé gur thug Robert F. Maginnis na leabhair d’Art am éigin idir 1878 agus mí an Mhárta 1879, ach bhí Art róbhocht lena gceannach agus in aois leanbaí faoin am sin; is é an réiteach is simplí ar an gceist gur dhá chnuasach ar leith iad.

Cá bhfuil na lámhscríbhinní a bhí i gcnuasach pearsanta Airt? Más fíor gur choinnigh deartháir Airt cnuasach éigin dá chuid lámhscríbhinní, cén fáth nach bhfuil againn na leabhair as ar ghráf Art na lámhscríbhinní eile d’Éamonn Augustus? Tá sé le tuiscint as an méid cóipeanna a rinne Art dá chuid dánta féin do phátrúin éagsúla gur choinnigh sé cóipeanna pearsanta díobh, agus bheimis ag súil leis go mbeadh dréacht measartha foirfe de ‘Comhrac na nGaedheal agus na nGall’ ann

taobh le SPE, óir is cóip atá in SPE a scríobhadh d'Éamonn Augustus Mag Aonghusa, agus ní chreidim nach gcoinneodh fear ar nós Airt Mhic Bhionaid cóip de shaothar a bhí beartaithe aige le fada an lá. Ba í SPE an t-aon lámhscríbhinn dár scríobh Art d'Éamonn Augustus nár shroich an tAth. Ó Domhnalláin.<sup>1237</sup> Níltear ar an eolas go fóill goidé mar a tharla sí i gcnuasach leabhar Sheoirse Mhic Eoin (*ob.*1970), ach ba dhóigh lena mhac, Breandán Mac Eoin nach maireann, go bhfuair Seoirse í ag ceant leabhar áit éigin i mBaile Hill. Tá giota páipéir greamaithe do chúl na lámhscríbhinne COFLA D10, agus '510/10' scríofa uirthi. Uimhir cheant, is dóigh. An féidir go bhfuair an tAth. Ó Domhnalláin an chuid is mó de na deich lámhscríbhinn ag ceant leabhar, agus gur aimsigh sé na giotaí beaga eile i ndeisceart Cho. Ard Mhacha? Más ceart sin, is baolach go bhfuil cnuasach eile de lámhscríbhinní Airt, na cinn a bhí i dteach John, ar seachrán áit éigin. Níl dóigh agam ar an gceist a réiteach.

**2.41. Fiachra Mhac Bhrádaigh,**<sup>1238</sup> *fl.*1712-55 [Affey Bradie]<sup>1239</sup>

**LB Eg. 135.** Cuid di. Autograif agus ginealaigh. 1755.

Gheofar cuntas ar shaothar agus ar bheatha Fhiachra Mhic Bhrádaigh in O'Reilly (1820: ccx), Laoide (1914: 117), Ó Muirgheasa (1915: 204), Ó Mórdha (1980; 1982: 49), *Beath.* 1560-1781, 57 col. b – 58 col. a, MacBrádaigh (2002: 88, 96-9), agus in

<sup>1237</sup> Má ba í an charthannacht a thug ar Robert F. Maginnis na deich lámhscríbhinn a bhronnadh ar Art sula bhfuair sé bás, cén fáth nach dtabharfadh sé dó an lámhscríbhinn ba ghile le hArt den chnuasach uilig, SPE—'Comhrac na nGaedheal agus na nGall le Chéile' é féin?

<sup>1238</sup> Tugann sé idir *Fiachra Mac Bhrádaigh* agus *Fiachra Mhac Bhrádaigh* air féin; féach ARÉ 23N25 (563), lgh 31, 53, 94, 144, 258-9, 266; LB Eg. 135, f. 3. Féach fosta an dóigh a litríodh Pádraig Mhac Bhrádaigh (*q.v.*) a ainm.

<sup>1239</sup> 'Corruptions of this Fiachra's name were Fiachry and Affie (R.I.A. MS, 23 D 16, p. 68) and a concocted Latin form Aricia (Anthologia Hibernica, Vol. 2, Dublin, Oct. 1793, p. 298)' (Duffy 1965: 311).

Mac Cathmhaoil (2013: 190-1).<sup>1240</sup> Is mó a chuimhnítear air mar fhile clúiteach agus máistir scoile ó Shrath Domhain, nó is é sin an dúiche is mó lena samhlaítear é—ach ba scríobhaí cumasach é Fiachra fosta. Ba dhóigh le Edward O’Reilly, ar ábhar éigin nach dtuigtear dom, go raibh Fiachra beo thart ar an mbliain 1712, óir is faoin mbliain sin a thugtar gearrchuntas air in *Irish Writers*, mórshaothar O’Reilly (1820: ccx),

Fiachra McBrady, a witty school-master, of Stradone, in the county of Cavan, and a tolerably good poet, lived in this year, as appears by some of his poems.<sup>1241</sup>

Ní heol dom cá bhfuair Edward O’Reilly an bhliain 1712, ná go bhfuil sí luaite in aon dán de chuid Fhiachra atá againn; bhí eolas agus lámhscríbhinní ar a ghar aige, ar ndóigh, atá cailte anois, sa dóigh nach féidir neamart a dhéanamh den fhoinsé thánaisteach thábhachtach sin, *Irish Writers* (1820), i gcás fhilí na Mí ach go háirithe. Cuimhnítear air gur thug an tOll. Pól Ó Briain (*q.v.*), saineolaí ar fhilíocht na Mí, cuidiú do O’Reilly agus é á réiteach don chló. Deir cuid mhaith údar, Laoide, Ó Muirgheasa agus eile,<sup>1242</sup> gur dheartháir é Fiachra le Philip Ministéir ach ní léir go bhfuil aon bhonn fírinne leis sin. Diomaite de sin, bhí an tuairim ag cúpla scríobhaí de chuid na 19ú hAoise gur dheartháireacha iad, mar is follas ón nóta seo a d’fhág Aodh Mhac Domhnaill [2] againn, agus é ag bailiú amhrán do Roibeard Mac Ádhaimh sna 1840í,

---

<sup>1240</sup> Tá nóta air in Murphy (1939: 41) ina ndeir sé gur bhain Fiachra leis an nglúin chéanna agus Art Mac Cumhaigh, ach is soiléir nach fíor sin, agus d’fhoilsigh Éamonn Ó Tuathail (Campbell et al. 1939: 307) ceartúchán air sin in uimhir eile den iris chéanna. Scríobh Duffy (1965: 311) nóta air fosta, agus tá iarracht déanta ag Mac Cathmhaoil (2013: 190-1) dáta breithe agus sinsireacht Fhiachra a dhéanamh amach.

<sup>1241</sup> O’Reilly (1820: ccx). Ní féidir liom teacht ar an dáta sin i measc a chuid dánta, ach níl eagrán údarásach díobh ar fáil go fóill.

<sup>1242</sup> ‘Parson Brady’ nó Philip Mac Brádaigh (*ob.c.* 1719), an file Gaeilge agus an cléireach idir Phrotastúnach agus Chaitliceach. Féach nóta 1263 thíos. Ina measc siúd a scríobh gur dheartháir le Fiachra é Philip, tá Ó Muirgheasa (1936: 148).

Fig[h]ac[h]ra Mha Bhraduidh or Fredrick Brady was a native of County Caven and a most celebrated Bard, and so was his brother, Parson Brady otherwise Philip Ministor. They ware bred between Stradone and Killnalex, as I am told, where some of there works is to be found to this day. I collected 3 pienes of Fig[h]ac[h]rai's which is his Dialogue with the priest and Confesion and Penance togather with his Vision and Going Astray coming from Stradone which apears to me to be the most witty and sublime of any I have met with.<sup>1243</sup>

Is dóigh go bhfuil cuid mhór den fhírinne i gcaint Laoide (1914: 117) gurbh 'f[h]ear mór grinn agus ádhbhachta' é Fiachra,<sup>1244</sup> agus is éasca, mar sin, an bheirt acu, Fiachra agus Philip, a shamhlú lena chéile cé go mbaineann siad le glúnta éagsúla: is dóigh le Mac Cathmhaoil (2013: 190-1) gur rugadh Philip tuairim na bliana 1655, agus Fiachra thart faoin mbliain 1690. Cuirtear c.1690 – c.1760 síos mar shaolré d'Fhiachra in *Beath*. 1560-1781, 57 col. b. Tugann filíocht Fhiachra pictiúr ar leith dúinn den chineál fir a bhí ann, pictiúr ar beag idir é agus an dóigh a gcuireann Peadar Ó Doirnín é féin os ár gcomhair ina chuid saothar. Diomaite den chaint sin uilig, ba scoláire tofa é Peadar a chaith cuid mhaith ama ag gabháil do na leabhair; agus tugann Ó Mórdha (1980: 9) le fios gurbh fhear oilte é Fiachra fosta, 'He would appear to have known Latin ... He obviously was a conscientious scribe who could be critical of a text he was transcribing, something which would suggest that he had a fairly wide knowledge of the later prose literature'.

Thuairimigh Mac Cathmhaoil gurb aon duine amháin iad an scríobhaí seo, agus an Fiachra (mac Dhomhnaill Ghruamdha) a luaitear sa ghinealach a thugtar i gceannteideal an téacs 'Comhairle Mhic Clámha', sa dóigh gur dhuine de shliocht Fhiachra an tArsaidh Ruadh Litís dár thug Mac Clámha na treoracha is ábhar don

---

<sup>1243</sup> LPBF 16, lch 55. Bhí Séamus P. Ó Mórdha eolach ar an tagairt seo, ach ba dhearmad dó an scéal i dtaobh an chrainn fuinseoige a phriontálann sé in Ó Mórdha (1980: 19-20) a cheangal le Fiachra. Cuntas ar bhás Thoirdealbhaigh Mhic Dhomhnaill atá sa scéal sin.

<sup>1244</sup> Measaim go dtéann Duffy (1965: 311) giota beag rófhada leis an scéal, ar an mbeagán eolais atá againn, áit a n-áitíonn sé gur 'wayward irresponsible wag' é Fiachra.

saothar. Chiallódh sin, dar le Mac Cathmhaoil (2013: 190-4) gur féidir gur mac é Fiachra leis an Domhnall Mac Brádaigh ó Achadh Raithin ar chum Muiris Ó Gormáin (*fl.*1734-88) dán air, *Mo mhíle beannacht leat gach am*, roimh na 1760í. Tá an méid sin leaganacha éagsúla den ghinealach sin sna cóipeanna is sine, fiú, den téacs ‘Comhairle Mhic Clámha’ nach féidir brath air ar chor ar bith (Duffy 1965: 311). De bhreis ar an méid sin, ní réitíonn dáta cumtha an téacs leis an eolas atá againn i dtaobh an fhile, duine a mhair idir na blianta 1712 agus 1755. Bhí tagairt éigin, mar a chonaic muid, ag Edward O’Reilly go raibh Fiachra ag scríobh nó ag cumadh ábhair deich mbliana roimhe sin, sa bhliain 1712 (O’Reilly 1820: ccx). Luadh cheana sa *B.M. Cat.*, ii, 142-3, go raibh sé i gcomhfhreagras le Muiris Ó Gormáin sa bhliain 1755, an scoláire Gaeilge chuig ar chuir sé dánta dá chumadh féin le go n-athscríobhfadh sé iad. Tá siad istigh le LB Eg. 135 anois. Ba i mí Mheán Fómhair 1755 a cuireadh na trí dhuilleog chuig Muiris, mar aon leis an nóta seo,

M<sup>r</sup> Gorman will be pleased to write this ouer again, with Good Ink and plaine writing and I will always be his humble Seruant,

7ber. M.DCC.L5. Do dhuine féin, Fiachra Mac Bhradaigh.<sup>1245</sup>

Deimhníonn an méid sin dúinn go raibh Fiachra ina bheatha in 1755, agus nach dócha gur rugadh é roimh an gceathrú dheiridh den 17ú hAois, mar sin. Cuimhnítear air ar dtús, sula dtuga muid aghaidh ar an gceist sin gur aoir dhiongbháilte é an scéal ‘Comhairle Mhic Clámha’ agus gurbh í staid na hEaglaise Caitlicí í an teachtaireacht ba chuspóir don údar a chur os comhair an phobail, ní craobhscoileadh na nginealach. Ní ceist dúinn gur dhuine fire é Mac Clámha—agus is rídhócha go bhfuil sé le

---

<sup>1245</sup> LB Eg. 135, f. 3.

ceangal le John McClave—ach ní fheicim gur gá sin i gcás Arsaidh Ruaidh.<sup>1246</sup> Má ghlacann muid leis an leagan den ghinealach a d’úsáid Mac Cathmhaoil, .i. ‘Seathan Ruadh mhac A Bradaigh, mhic Fiachra mhic Domhnaill Ghruama mhic Seathain mhic Toirdhealbhaigh’ (Ó Dufaigh & Rainey 1981: 46), agus an léamh a rinne sé air, ‘Seathan [= Seághan] Ruadh mac Aodha mhic Fhiachra mhic Dhomhnaill Ghruamdha mhic Sheathain mhic Thoirdhealbhaigh [Mhic Bhrádaigh]’ (Mac Cathmhaoil 2013: 190), is féidir é a chur i gcomórtas leis an mbeagán eolais atá againn ar an bhfile agus ar an té a luaitear sa dán a chum Muiris Ó Gormáin. Glacaimis leis, ar mhaithe leis an argóint, gur dhuine fíre é an ‘Seathan Ruadh’ a luaitear sa scéal ‘Comhairle Mhic Clámha’, agus gur shíolraigh sé ó Fhiachra Mhic Bhrádaigh. Má b’ábhar sagairt é Seathan Ruadh, caithfidh sé go raibh sé thart ar fhiche bliain d’aois, nó níos sine fós, nuair a cumadh an téacs, agus scríobhadh an chóip is luaithe de a bhfuil dáta léi sa bhliain 1725.<sup>1247</sup> Chruthódh sé sin dúinn gur rugadh é sa bhliain 1705 ar a dhéanaí, agus is ar éigean a d’fhéadfadh sé gur rugadh a sheanathair (Fiachra an ghinealaigh thuas) tar éis na bliana 1665, mar sin. Más fíor gurb é an Fiachra seo againn é Fiachra an ghinealaigh, caithfidh sé go raibh sé breis agus nócha bliain d’aois nuair a scríobh sé na giotaí in LB Eg. 135. Cé go meabhródh stíl na peannaireachta, srl., dúinn gur scríobh fear déanta na giotaí sin, ní fhéadfaí slachtmhaireacht na scrípte a shamhlú le seanóir ceart. Má b’ionann Domhnall Gruamdha an ghinealaigh agus an té ar ar chum Muiris Ó Gormáin dán— agus is léir go raibh Domhnaill an dáin ina bheatha in aimsir a chumtha—táthar in ann glacadh leis gurbh ann dó sa bhliain 1730 nó ina dhiaidh sin, fiú. Caithfear, ar

<sup>1246</sup> B’fhéidir go gceapfaí gur leid gur dhuine stairiúil é Arsaidh gur bacadh le ginealas a thabhairt dó. Cibé acu is duine é nó is de chruthú an údair é, ceapaim gur féidir a bheith sásta nach garmhac le Fiachra é.

<sup>1247</sup> Is doiligh bliain scríofa a chur le ‘Comhairle Mhic Clámha’. Déarfainn gur sine arís an chóip atá in LN G447; féach an plé ar scríobhaí na lámhscríbhinne seo sa chuntas ar an Ath. Séaghan Ó Donnghaile i gCaib. 2.153, nótaí 2528, 2530 ach go háirithe. Ní dhéantar tagairt don lámhscríbhinn seo in eagrán Duffy (1965: 317-18; Ó Dufaigh & Rainey 1981: 44-6).

scáth na ndátaí eile, go raibh seisean 85 bliana d’aois an tráth sin fosta.<sup>1248</sup> Ó tharla go nglactar leis go forleathan gur cumadh ‘Comhairle Mhic Clámha’ sa cheathrú dheiridh den 17ú hAois, toisc go bhfuil rian na n-imeachtaí a thit amach le linn d’Oilibhéar Pluincéad a bheith ina Ard-Easpag ar Ard Mhacha le brath go tréan air, is féidir dátaí breithe na ndaoine a luaitear sa ghinealach, má ba ann dóibh ar chor ar bith, a bhrú siar—d’ég Eoghan Ó Donnghaile, duine de na filí a luaitear an píosa leis, sa bhliain 1697. Is dóigh, mar sin, go raibh dul amú ar Mhac Cathmhaoil sa mhéid seo. Níl na lámhscríbhinní uilig de réir a chéile i dtaobh an ghinealaigh seo, cibé rud é.

Má fhágann muid an ginealach sin ar leataobh, is féidir go raibh páirt éigin ag Domhnall an dáin le Fiachra. Bhí aithne ag Muiris Ó Gormáin, nár den dúiche sin é, ar an mbeirt acu, Fiachra agus Domhnall, agus níl Achadh Raithin, an áit a raibh cónaí ar Dhomhnall nuair a cheap Muiris an dán, ach ceithre mhíle taobh amuigh de Shrath Domhain, mar a deir Mac Cathmhaoil (2013: 18). De bhreis air sin, is follas ón dán gur bhailitheoir eolach lámhscríbhinní é Domhnall, óir tá sé intuigthe ón dán go raibh Muiris tar éis leabhar a fhilleadh air,

Mo mhíle beannacht leat gach am,  
a leabhráin bháin na gcaomhrann;  
go hAcharathain mar a bhfuil an tsaoi;  
tuigseoir beacht do chnuasaigh. ...

---

<sup>1248</sup> Féach an cuntas ar Mhuiris Ó Gormáin i gCaib. 2.172 i dtaobh an dáta 1730. Luann Mac Cathmhaoil (2013: 192-3) nach féidir gur scríobhadh an chóip den dán ar Dhomhnall Gruamdha atá againn in LB Eg. 135, f. 7b, go dtí an bhliain 1740 nó ina dhiaidh sin, ar an ábhar go bhfuil ar an leathanach céanna dán ar an Sioc Mór, a ceapadh sa bhliain 1740. Ar ndóigh, ní gá gurb ionann dáta an dáin agus dáta na cóipe sin, ach ós rud é gur dán ócáide é, agus ócáid bheag go deimhin, bheinn ar aon tuairim le Mac Cathmhaoil gur scríobh Muiris seo nuair a cheap sé an dán. Is féidir, a deir Mac Cathmhaoil (2013: 193), an dán a dhátú don tréimhse 1740-63, óir ní dóigh gur fhág Muiris an chathair mórán i ndiaidh na bliana 1763 (ach nuair a bhí sé fostaithe ag Cathal Ó Conchubhair agus ag an Chevalier O’Gorman). Má cumadh an dán sa bhliain 1740, bheadh Domhnall an ghinealaigh breis agus 95 bliana d’aois faoin am sin, agus dhealródh sé gurbh óige i bhfad ná sin an Domhnall ar ceapadh an dán air.

Ar Dhomhnall Mac Brádaigh atá mo thriall;  
oide líofa an Ghairbhriain;  
eolach beacht san eagna grinn,  
a fuair cliú le féile is foghlaim.<sup>1249</sup>

Tharraing Ó Mórdha (1980: 7-9; 1982) aird ar ARÉ 23N25 (563), lámhscríbhinn luachmhar a ghráf Eoghan Ó Conchubhair faoi stiúradh duine eile, is dóigh, i gCo. Chorcaí sa bhliain 1834,<sup>1250</sup> ach go bhfuil an chuma uirthi, ó na colafoin a scríobhadh isteach inti, gur ag tarraingt ar lámhscríbhinn le Fiachra a bhí Eoghan. Cóip dhílis atá ann, is dóigh, óir tugann Eoghan leis colafoin Fhiachra, agus tá crostagairtí d'uimhreacha leathanach na heiseamláire in imeall na leathanach aige. Más beacht an t-eolas a thugann siad dúinn, bhí 390 leathanach i lámhscríbhinn Fhiachra,<sup>1251</sup> na cinn i dtreo chúl na lámhscríbhinne dreoite go mór, agus tugann Eoghan sraith colafon ina bhfuil dátaí idir an 8 Eanáir 17<sup>21</sup>/<sub>22</sub> agus Máirt Chásca 1722.<sup>1252</sup> Scéalta rómánsaíochta ba mhó a bhí i leabhar Fhiachra, mar a chuirtear os ár gcomhair é trí scáth ARÉ 23N25 (563): ba i nDroim Galláin, Co. an Chabháin, a bhí Fiachra ag scríobh ar an 12 Feabhra 17<sup>21</sup>/<sub>22</sub>, agus tá rann gairid ag deireadh ARÉ 23N25 (563) a thugann le fios gur grafadh lámhscríbhinn Fhiachra do dhuine darbh ainm Ros Mhac Cába,

<A> Ros m[h]eanmnach Mhac Cába  
as tríath ladir donn leabharsa,  
is ma f[h]áigtar amuith go brác[h] é,  
gurab e ann té sgráb[h] é do gheabhas é.<sup>1253</sup>

<sup>1249</sup> Tá an dán in eagar ag Mac Cathmhaoil (2013: 118-19); nótaí in Mac Cathmhaoil (2013: 190-4).

<sup>1250</sup> Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 1739, gur scríobhadh idir na blianta 1824 agus 1834 í, ach tugann Ó Conchúir (1982: 53, 266 n.361) an bhliain 1834 amháin, agus míniú aige air sin. Tá sonraí beathaisnéise ag teastáil ar an scríobhaí seo; féach Ó Conchúir (1982: 53).

<sup>1251</sup> Féach ARÉ 23N25 (563), lch 268.

<sup>1252</sup> Tugtar na dátaí seo in ARÉ 23N25 (563): an 8 Eanáir 17<sup>21</sup>/<sub>22</sub>, lch 31; an 15 Eanáir 17<sup>21</sup>/<sub>22</sub>, lch 53; an 22 Eanáir 17<sup>21</sup>/<sub>22</sub>, lch 94; an 12 Feabhra 17<sup>21</sup>/<sub>22</sub> ‘a nD[r]omghallan’, lch 144; an 19 Márta 1722, lch 216; ‘Mairt Chasg 1722’, lgh 258-9; 1772, lch 266. Is dearmad an dáta deiridh, agus tá an méid sin bearnaí agus drochléamha sa cholafon seo go raibh sé, is dóigh, geall le bheith doléite san eiseamláir. Bhí sé ar lch 388 san eiseamláir, agus is dóigh nach raibh Eoghan Ó Conchubhair in ann meabhair ar bith a bhaint as cuid den leathanach sin.

<sup>1253</sup> ARÉ 23N25 (563), lch 266. Bhí an rann seo ar lch 388 san eiseamláir.



Thuigfí ó chumadóireacht Fhiachra go gcónaíodh sé i Srath Domhain,<sup>1254</sup> Co. an Chabháin, tráth, mar a deir sé linn sa dán ‘Seachrán Fhiachra Mhic Bhrádaigh’,<sup>1255</sup> agus tugann sé cúpla leid faoina mhuirín sa dán céanna. Máire a bhí ar a bhean,<sup>1256</sup> agus bhí cúram óg acu.<sup>1257</sup>

B’fhéidir nach beag an teist ar chumas Fhiachra mar fhile gur cuireadh dhá dhán leis i gcló sa bhliain 1793; fuair Philip Mac Kiernan iad ó aithris béil. Chleachtaigh sé roinnt seánraí móra de chuid na 18ú hAoise: an seachrán, an aisling, an fhaoistin agus an aithrí. Tá cuid d’fhéith grinn an fhile le brath orthu, mar a deir Ó Mórdha (1980: 6),

The rollicking drollery of some of his verses and possibly the life style of the poet himself lent themselves to the creation of the legend. He composed an **Aisling**, a **Seachrán**, and a **Faoistin** as was expected of an 18th century poet but he invested each of them with something of the exuberance and liveliness of his own personality. Some of the Northern **aislingí** that have come down to us could have been written by any one of half a dozen poets, but not so **Mac Brádaigh’s**. He puts the stamp of his own locality and his individuality on his compositions.

Is beag meas ar údaráis na linne a léifí orthu. Níor thaitin stíl éadrom mhagúil na ‘Faoistine’ go mór le hÉnri Ó Muirgheasa (1936: 147-8), ach ghéill sé d’fheabhas na teanga agus na meadarachta, gur chuir sé i gcló í in *Dánta Diadha Uladh*. Tá cóipeanna de na téacsanna seo uilig ar fáil go fóill<sup>1258</sup> ach is dócha nach bhfuil againn inniu dá ndearna sé riamh ach fuíoll an áir. Thuigfí ó chuid de na háiteacha a

---

<sup>1254</sup> ‘Sraith an Domhain’ an leagan faomhaithe atá ag an mBrainse Logainmneacha, ach b’fhearr le Fiachra ‘Srath Domhain’. Féach nóta 1255.

<sup>1255</sup> Féach, mar shampla, na línte seo in ‘Seachrán Fhiachra Mhic Bhrádaigh’, Laoide (1914: 51): ‘Nach truagh libh-se, a cháirde, / Gach buaidhreadh dhá dtárlaidh / Do Fhiachra Mhac Brádaigh ag teacht as Srath Domhain?’

<sup>1256</sup> Féach nóta 1257, áit a luann Fiachra Máire, mar a thug Laoide (1914: 117) faoi deara; agus féach *Beath*. 1560-1781, 57 col. b.

<sup>1257</sup> Féach an dán ‘Seachrán Fhiachra Mhic Bhrádaigh’: ‘S go mb’fhearr liom-sa ionn m’fhárus / An uair sin ag Máire / ’Ná i gcuallacht an Phápa a bhí thall annsa’ Róimh!’, agus ‘Chodail mé támh agus thainic me rómham / Mar ’bhfuair me na páistí / Ag gul is ag gártha, / D’eagla gur báthadh mise amhuigh [*sic*] ins an abhainn’ (Laoide 1914: 51, 54).

<sup>1258</sup> Tugtar liosta de na dánta dá chuid a chonaic mé i lámhscríbhinní an Tuaiscirt in Aguisín 9.

luann sé sa dán ‘Seachrán Fhiachra Mhic Bhrádaigh’ go raibh an t-eolas aige ar Bhaile Átha Cliath agus ar oirthear Cho. na Mí,<sup>1259</sup> agus luann sé, mar a dúirt Ó Mórdha (1980: 18) cheana, áiteacha i gCo. Chill Dara, sa Mhí, agus taobh leis an Éirne i ndán a cheap sé ar Aodh Mac Taithligh. Bhí an tuairim ag Ó Mórdha (1980: 18) go bhféadfadh sé go bhfuair Fiachra bás ar seachrán éigin dá chuid, i gCo. na Gaillimhe, b’fhéidir. Bhí sé marbh le fada an lá nuair a chuir Philip Mac Kiernan dánta leis i gcló ar *Anthologia Hibernica*, agus san eagrán den iris sin a cuireadh amach i mí na Nollag 1793, tugann Philip Mac Kiernan an dán seo i dtaobh a bháis,

I remember Mc Brady, no lady on village green  
 But would wish on a May day or play day his choice to have been;  
 To a barrel of liquor none quicker to run was seen  
 Nor at fairs had a stick or club thicker or brogues more clean.  
 Now alas in Dunsandle a bramble his grave doth screen.<sup>1260</sup>

Deir Ó Mórdha (1980: 18) nach eol dó ach áit amháin ar a dtugtar ‘Dunsandle’, baile atá i gCo. na Gaillimhe. Is féidir go bhfuil áit eile ar fad i gceist, ar ndóigh.

#### 2.42. Pádraig Mhac Bhrádaigh, fl.1816-34

[Pat<sup>k</sup> Brady]

**LJR Ir. 83.** Cuid di. Laoithe fiannaíochta, dánta le hArt Mac Cumhaigh,  
 Philip Ministéir, dánfhocail. An Ghreallach, Leamhaigh, An Cabhán 1816.

Is leis an gcóip luath de ‘Úirchill an Chreagáin’ a scríobh sé ar an nGreallach, Co. an Chabháin, sa bhliain 1816 is mó a shamhlaítear an scríobhaí seo.<sup>1261</sup> *Bolug a Tholar* is teideal don lámhscríbhinn, a grafadh idir na blianta 1816 agus 1817. Ceadáíonn Pádraig córas aisteach litrithe sa Ghaeilge atá tugtha go mór do nósanna

<sup>1259</sup> Seo na línte atá i dtrácht agam, ‘Chuidh me chum na hÁirde / Go stuadh Bhaile Gháire— / ‘Siad cluig Teampaill Phádraig a choingbhígh me beó— / Is chuidh me chum na sráide / ‘Mbíonn Rí Uilliam i n-áirde, / Go bhfanainn-se tráth ag an Choláiste ‘g ól’ (Laoide 1914: 52). Is dóigh go raibh sé thuas faoin tír sin tráth.

<sup>1260</sup> Tá an dán seo faoi athchló in Ó Mórdha (1980: 18).

<sup>1261</sup> Féach, mar shampla, de Brún (1969: 559).

ortagrafaíochta an Bhéarla, agus dhealródh sé gur bheag cleachtadh a bhí déanta aige ar scríobh na Gaeilge nuair a thosaigh sé ar LJR Ir. 83 a ghrafadh. An chuid eile den lámhscríbhinn, is i bpeannaireacht Dhoiminic Uí Dhubhda atá sí, cé go dtuigfí as cuid de na nótaí sealbhóra gur fhan an lámhscríbhinn i gcnuasach Phádraig seal i ndiaidh a scríofa.<sup>1262</sup> Ní fios ar fhostaigh Pádraig Dominic, arbh fhearr go mór an peannaire é, leis an gcuid eile den leabhar a chríochnú ar a shon. Is dócha gurb ionann an scríobhaí agus an Pat Brady a luaitear faoin nGreallach i *Leabhar na nDeachúnaithe*, 1834 (de Brún 1969: 559).

#### 2.43. Pilib Mac Brádaigh, fl.1737

**CT N.5.12 (3397).** ‘Feis Tighe Chonáin’, ginealaigh, dánfhocail, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Tuireamh na hÉireann’, amhrán, ‘Oidhe ChongCulainn’, ‘Faghail Craoibhe Chormaic’. Baile Átha Cliath 173<sup>6</sup>/7-7.

Ní féidir gurb ionann an scríobhaí seo agus Philip Ministéir, an file,<sup>1263</sup> óir tá glacadh leis gur cailleadh Philip thart faoin mbliain 1719,<sup>1264</sup> ach is follas, ón bpeannaireacht, gurb ionann Pilib Mac Brádaigh, an scríobhaí, agus an té a shínigh an lámhscríbhinn CT H.5.13 (1385) a ghráf Séamus Ó Gabhagáin (*q.v.*). Ós rud é gur i mBaile Átha Cliath a bhí Pilib ag scríobh sa bhliain 1737, agus gur dhíol Jacobus Brady éigin CT H.5.13 (1385) leis an Ard-Easpag Seán Mac an tSaoir sa bhliain 1745, is dóigh gur

---

<sup>1262</sup> Ní colafon ach nóta sealbhóra atá sa mhéid a scríobh Pádraig ar lch 78. Bhí an lámhscríbhinn i gcnuasach Robert Wade ina dhiaidh sin.

<sup>1263</sup> Ba shagart Cailiticeach é Philip Ministéir, de réir traidisiúin, a d’iompaigh ina Phrotastúnach. Meastar gur tharla sé seo c.1682 agus níl trácht air tar éis na bliana 1719, nuair a bhí sé ina reachtaire in Inis Mhic Craith, Co. Liatroma (Leslie 2008: 364). Rugadh é i gCo. an Chabháin, agus d’aistrigh sé ceann de na seanmóirí a chuir Seon Mac Risteaird (John Richardson) i gcló sa bhliain 1711. Thugtaí ‘Parson Brady’ agus ‘Philip Ministéir’ air. Féach na foinsí seo a leanas: Leslie (2008: 364), O’Reilly (1820: ccix), Duffy (1965: 310-11), srl. Gheofar plé ar an seanmóir a d’aistrigh sé go Gaeilge in Williams (1986: 111-2).

<sup>1264</sup> Ba dhóigh le Carney (1959: 21) gur scríobh ‘Phillip Brady or Pilib Ministir’ an lámhscríbhinn seo, áfach.

dhuine muinteartha le Pilib an Jacobus seo.<sup>1265</sup> An té a ghraf an lámhscríbhinn sin, Séamus Ó Gabhagáin, ba as an Díseart i gCo. na hIarmhí dó, mar a deirtear in dhá nóta sa lámhscríbhinn, an ceann a scríobh Pilib inti san áireamh. Dar le hÓ Fágáin (1985: 149), is dóigh gurbh as Co. na hIarmhí do Philib, agus is féidir, ar ndóigh, go raibh baint aige leis an áit sin lá dá shaol, cé nach féidir linn a léiriú gurbh é Pilib an chéad duine a thug CT H.5.13 (1385) go Baile Átha Cliath. Téann sin go measartha maith, áfach, leis an tagairt a dhéanann Pilib i gcolafon dá chuid in CT N.5.12 (3397) d'aithne a bheith aige ar an Dr Lúcas Ó Maoil Tuile, an té ag a raibh an seanleabhar 'meamraim(h)' a bhí os comhair Philib agus CT N.5.12 (3397) á grafadh aige. Agus é ag trácht ar aois na nginealach sa seanleabhar a mbaineann ceann acu le craobh thábhachtach éigin de chuid mhuintir Mhic Maoil Tuile, deir sé faoi féin agus faoin Dr Ó Maoil Tuile,

... is furus a thuigse gur s(h)eanleab[h]air é óir nni thionsgan ann  
s(h)eanc[h]ús ré heann neach d(h)o bhí an arus air n-athair no air seanathair  
no air ngairathair.<sup>1266</sup>

Cuimhnítear air go raibh baint éigin ag muintir Mhic Maoil Tuile le déanamh na lámhscríbhinní sa Mhí thart faoin 16ú hAois.<sup>1267</sup> Rud amháin atá soiléir faoi Philib óna lámhscríbhinn féin: ní raibh tuiscint cheart aige ar an dóigh ar ceart consan séimhithe a léiriú, óir bíonn séimhithe curtha go taghdach aige anseo is ansiúd ina leabhar, áiteacha nach mbeifí ag súil leo. Ag filleadh siar ar Philip Ministéir (*ob.c.1719*), ghlac Carney (1959: 9) leis gurbh aon duine amháin iad Philip Ministéir agus scríobhaí CT N.5.12 (3397). Agus an tuairim sin curtha as bealach againn thuas, is fiú beagán a rá i dtaobh na nginealach atá in CT N.5.12 (3397), an méid acu a

---

<sup>1265</sup> Bheadh tuairim agam go raibh sé ag díol lámhscríbhinní tar éis bhás Philib an uair sin, ach níl ann ach tuairim.

<sup>1266</sup> CT N.5.12 (3397), lch 63 [f. 21]. Féach Caib. 1.2.2.3, colafon 53 thuas.

<sup>1267</sup> Féach Caib. 1.4.4.1 thuas.

cuireadh i gcló in Carney (1959) agus a pléadh in Flahive (2010) tamall ó shin. Saothar Bhiocáire Ginearálta na Cille Móire, an tAth. Tomás Mac Síomóin (1614-80), atá sna ginealaigh ar mhuintir Raghallaigh, Mhic Bhrádaigh, agus Mhic Shíomóin in CT N.5.12 (3397),<sup>1268</sup> arna dtabhairt chun dáta beagán ag beirt scoláirí, go bhfios dúinn, idir an dá linn, mar a deir Carney (1959: 9-10) linn: ba é Pilib féin, is dóigh, a chuir tagairt isteach sa saothar d'Eoghan mac Éamoinn Bhuidhe Uí Raghallaigh a bheith ina Ó Raghallaigh, ní nach dtugtar le fios sna cóipeanna eile. Ceapadh an bunsaothar am éigin idir 167<sup>1/2</sup> agus 1680 [? c.1673-4] (Carney 1959: 8), agus is le Co. an Chabháin a bhaineann sé taobh amuigh de chorrthagairt do theaghlaigh eile. Ní dóigh liom gur gá go gciallaíonn sé seo go raibh baint láidir ag Pilib le Co. an Chabháin. Níl a fhios agam cá raibh cónaí air go díreach i mBaile Átha Cliath nuair a ghraf sé an lámhscríbhinn sin sa bhliain 1737.

#### 2.44. Aodh Mhac Cába, fl.1800-47

[Hugh M<sup>c</sup>Cabe]

**LN G227.** Dánta leis an Ath. Tomás Ó Cléirigh, Séamus Mac Cuarta, Donnchadh Ó Dálaigh, Cathal Mag Ruaidhrí, 'Tuireamh na hÉireann', 'Críocha Déanacha an Duine', laoithe fiannaíochta. 1800-1.

**LN G1423.** 'Oidhe Chloinne hUisneach', 'Oidhe Chloinne Lir', 'Oidhe Chloinne Tuireann', 'Tóraidheacht Shaidhbhe Inghine Eoghain Óig', 'Eachtra an Mhadra Mhaoil', 'Mac na Míchomhairle', 'Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh', dánta le Seán Ó Neachtain, Séamus Mac Cuarta, 'Tuireamh na hÉireann', laoi fiannaíochta, 'Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp re Chéile'. 1801.

---

<sup>1268</sup> Féach nóta 3483 i dtaobh an tsaothair seo.

Ba scríobhaí fíorchumasach é Aodh Mhac Cába agus d'fhéadfaí é a áireamh i measc na scríobhaithe ab fhearr de chuid na 19ú hAoise. De bharr rialtacht na scrípte simplí cúramaí a cheadaigh sé, gan trácht ar an dúthracht a chaith Aodh le leagan amach an dá lámhscríbhinn atá againn uaidh, is doiligh smaoineamh ar scríobhaí ar bith de chuid na 19ú hAoise a sháródh é mar pheannaire: mhol Brian Mac Giolla Phádraig, iarshealbhóir LN G1423, é ar fheabhas a chuid peannaireachta, 'the script served as an exemplar of calligraphy in many Irish classes after 1922' (Mac Giolla Phádraig 1962: 47).<sup>1269</sup> Ní ceist dúinn gur mhóide a tháin inniu dá mbeadh tuilleadh lámhscríbhinní againn uaidh. Diomaite de gur shíl Mac Giolla Phádraig (1962: 47) gurbh as Bréifne don scríobhaí mar gheall ar a shloinne, dhealródh sé go raibh an ceart ag Ó Tuathail (1934a: 54) an uair a d'áitigh sé, 'Where the writer of it belonged to does not appear, but judging by the orthography (which is remarkably good for its time) and some of the poetry ... contained in it I have no doubt that the MS. was written by a native of South Ulster or North Leinster'.

Is fiú pointe beag a lua faoin leagan de théacs amháin atá i lámhscríbhinn de chuid Aodha, óir is féidir go dtugann sé leid éigin dúinn faoin áit a raibh cónaí air. Cé go bhfuil cuid mhaith den ábhar atá sa dá lámhscríbhinn a ghraf sé idir na blianta 1800 agus 1801 iontach coitianta i lámhscríbhinní Oiriaila, is gaire an chóip de 'Oidhe Chloinne hUisneach' atá in LN G1423<sup>1270</sup> don leagan ar a dtugann Mac Giolla Léith (1993: 39), leagan C a bhfuil seacht gcóip lámhscríofa de ar fáil—dhá cheann a grafadh sa 19ú hAois: cóipeanna Aodha Mhic Cába, LN G1423; agus Mhíchíl Uí Mhurchadha (*q.v.*) in CM L6. Ba i mBaile Átha Fhirdhia a grafadh an dara cóip seo sa bhliain 1825. Na cúig chóip eile, is i bpeannaireacht Mhuiris Uí Ghormáin atá siad

---

<sup>1269</sup> Dhealródh sé go raibh Éamonn Ó Tuathail (1934a: 54) ar aon tuairim leis, 'The handwriting is bold and clear, and on every page it is legible'.

<sup>1270</sup> Uimh. 44 ar a dtugann sé 'Mac Giolla Phádraig', ó tharla go raibh LN G1423 ag Brian Mac Giolla Phádraig tráth.

uilig, agus, ó tharla gurbh as Co. Mhuineacháin do Mhuiris—nó is ann a grafadh na lámhscríbhinní is sine uaidh, is ábhar spéise a ghaire do leagan C—‘leagan Mhuiris Uí Ghormáin’—den scéal atá cóip Aodha. Ós rud é go bhfuil téacsanna eile in LN G1423 atá coitianta i gnuasaigh nua-aimseartha Mhuiris Uí Ghormáin, is féidir go raibh seanleabhar leis roimh Aodh Mhac Cába agus LN G1423 á scríobh aige. Más fíor go bhfuil ceangal láidir ag leagan C den scéal le deisceart Cho. Mhuineacháin, ní hionann sin agus a rá go gcaithfidh sé gurbh as Co. Mhuineacháin d’Aodh, ar ndóigh, óir scríobhadh cóip Mhíchíl Uí Mhurchadha de leagan C i gCo. Lú sa bhliain 1825, agus is eol dúinn go raibh cuid de lámhscríbhinní Mhuiris i gnuasach leabhar Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh i gCo. na Mí thart faoin am céanna.<sup>1271</sup> Tá leideanna againn, áfach, gur féidir Aodh Mhac Cába, an scríobhaí cumasach, a cheangal le scoláire Gaeilge darbh ainm Hugh M<sup>c</sup>Cabe a bhí ag cur faoi i ndeisceart Cho. Mhuineacháin sa chéad leath den 19ú hAois.

Tá na híocaíochtaí a thug an *Irish Society* do Hugh M<sup>c</sup>Cabe idir mí na Samhna 1824 is Feabhra 1825, agus idir mí Lúnasa 1825 is Bealtaine 1827, ar taifead i leabhar miontuairiscí an chumainn (de Brún 2009: 327). Ba i ndúiche Dhún an Rí a bhí sé ag teagasc, dúiche riaracháin a chuimsigh an chuid is mó d’Oiriaila.<sup>1272</sup> De bhreis air seo, déantar tagairtí fáin eile don mháistir seo, a léiríonn gur dóigh gur chumasach an scoláire é, i gcomórtas le cuid de na léitheoirí eile. Luaitear i d*Tuarascáil* 1834, 148a, go raibh scoil ag ‘H. M<sup>c</sup>Cabe’ i bparóiste Inis Caoin, áit a raibh léamh agus scríobh, matamaitic agus cuntasóireacht á dteagasc. Bhí 60 dalta ag freastal ar an scoil. Ní dóigh gur gá scéal mór a dhéanamh de gurb ionann an máistir seo agus ‘Mr M<sup>c</sup>Cabe’, an máistir Gaeilge i ndúiche Dhún an Rí a chuidigh le haistritheoir an leagain

---

<sup>1271</sup> Féach nóta 2373.

<sup>1272</sup> Mar a áitíodh sa chuntas ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40 thuas.

Ghaeilge de *Pilgrim's Progress* téacs an aistriúcháin a ullmhú don chló in 1837,<sup>1273</sup> agus ba dhóigh le de Brún (2009: 327) gurb aon duine amháin an scoláire seo agus Aodh an scríobhaí. Má tá muid sásta gurb é an duine céanna é eagarthóir an leagain Ghaeilge de *Pilgrim's Progress* (1837) agus an máistir atá ar na rollaí pá sa tréimhse idir 1824 agus 1827, is féidir a dhéanamh amach go raibh cónaí ar an bhfear seo i ndeisceart Cho. Mhuineacháin sa bhliain 1841, an bhliain ar shínigh sé litir ghearáin a scríobh na múinteoirí Caitliceacha ar Éastát Shirley i ndúiche Mhachaire Rois i gcoinne an churáidigh áitiúil (de Brún 2009: 327).<sup>1274</sup> Bhí sé ag cur faoi ar an gCarraig Fheartach an tráth sin agus is féidir é a aimsiú i dtaifid riaracháin an éastáit sin. Mar gheall ar a chumasáí a bhí Aodh an scríobhaí agus Hugh an máistir mar scoláirí Gaeilge, bheinn ag ceapadh nár dhána an ní é a áiteamh gurbh aon duine amháin iad, agus go raibh Aodh ag teagasc go leanúnach don chumann idir 1824 agus 1847, an bhliain a luaitear a ainm sna miontuariscí don uair dheireanach, mar a mhíneofar thíos.

Mar gheall ar a bhoichte a bhí na tionóntaí a bhí socraithe ann, agus an dóigh ar caitheadh lena lán acu le linn an Ghorta Mhóir, is mó a chuimhnítear ar Éastát Shirley. Tagraítear d'Aodh Mhac Cába (Hugh M<sup>c</sup>Cabe) i gclárleabhar atá ar caomhnú in Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann dar teideal 'Register of Cottiers on the Shirley Estate 1840-47'.<sup>1275</sup> Tugtar le fios go raibh ceathrar sa teaghlach, beirt fhear agus beirt bhan, agus go raibh teach acu (gan píosa talún dá

---

<sup>1273</sup> Creideann de Brún (2009: 327 n.1) gur thug Aodh Mhac Cába an-chúnaimh don eagarthóir, ó tharla go bhfuil sé ar taifead nach raibh taithí ar bith aici ar théacsanna Gaeilge a chur in eagar.

<sup>1274</sup> Ba dhóigh le Mac Giolla Phádraig (1962: 47) gurbh as Bréifne dó ar bhonn a shloinne agus na dtéacsanna atá ar fáil ina chuid lámhscríbhinní. B'fhiú cuimhneamh air go mbíonn téacsanna a bhaineann leis an taobh sin tíre le fáil i lámhscríbhinní Cho. Mhuineacháin agus sa dúiche fá gcuard. i. Oirialla, agus go bhfuil an sloinne sin le fáil go flúirseach i gCo. Mhuineacháin agus i ngach contae in Oirialla. Baineann cuid de na téacsanna i lámhscríbhinní Aodha le hOirialla agus leis an Mí amháin.

<sup>1275</sup> PRONI D3531/M/1-2. Tá an liosta seo curtha in eagar in McMahon & O'Neill (2010). Léiríonn siad gur bunaíodh an clár seo ar PRONI D3531/M/5/1, a cuireadh le chéile i mí Aibreáin na bliana 1840.



gcuid féin)<sup>1276</sup> ar thalamh Pat Mee, Gréach na Ruag,<sup>1277</sup> agus sin ar chúis bliantúil de £1.5.0 (McMahon & O'Neill 2010: 281). Ó tharla nár cealaíodh a ainm sa chlár, thig linn glacadh leis go raibh sé fós ina chónaí ar Ghréach na Ruag sa bhliain 1847, agus déantar an tagairt deiridh d'Aodh i dtaifid an *Irish Society* ar an 21 Feabhra 1847 nuair a ceapadh mar léitheoir scríoptúr é leis an *Ladies' Auxiliary* (de Brún 2009: 327). Diomaite de nach bhfuil tagairt do mhuintir Aodha a bheith á gcur as seilbh sa chlárleabhar, is dóigh le McMahon agus O'Neill gur imigh cuid mhaith acu siúd nach bhfuil a muintir sa chomharsanacht anois go Sasana nó go dtí an Astráil, agus gur sciob an colár agus galair eile an chuid eile leo. Ní luaitear duine ar bith sa bhaile fearainn sin ná ar an gCarraig Fheartach dar sloinne McCabe i *Luacháil Griffith* (1861), agus níl trácht ar Aodh i liostaí na dtionóntaí a d'imigh thar sáile ón Eastát sin le linn an Ghorta Mhóir.<sup>1278</sup>

#### 2.45. Éamonn Mhac Cába, fl.1821-47

[Edward M<sup>c</sup>Cabe]

**COBÁC M16.**<sup>1279</sup> Dánta le hArt Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta, Peadar Ó Doirnín, an 'Dies Irae' i nGaeilge, búrdúin agus dánfhocail, 'Críocha Déanacha an Duine', 'Mac na Míchomhairle', 'Torilaha (?) Ultáin Naofa ag Teampall Chill Eanaigh', urnaithe, urnaí do Dhomhnall Ó Conaill, tairngreachtaí Béarla, ceann acu le Colum Cille. **1821:**—Corr na Láithreach, Machaire Cluana, Muineachán; **1821:**—Príosún Mhuineacháin, Muineachán;

<sup>1276</sup> Deir McMahon & O'Neill (2010: 246) nach raibh píosa talún ag 105 de na 585 choitéir atá luaite sa chlárleabhar; fágann sin gur féidir Aodh a liostáil i measc na dtionóntaí ba bhoichte i ndúiche Mhachaire Rois.

<sup>1277</sup> Dhá bhaile fearainn iad an Charraig Fheartach agus Gréach na Ruag atá suite taobh lena chéile lastuaidh de Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin. Luaitear Thomas Mee éigin a raibh cónaí air ar an gCarraig Fheartach agus i nGréach na Ruag i *Luacháil Griffith* (1861).

<sup>1278</sup> Iad siúd atá i gcló cheana in Duffy (1992).

<sup>1279</sup> Tugtar 'Ó Muirgheasa 16 (b)' ar an lámhscríbhinn in Watson (2000-1) *passim* ach tugaim COBÁC M16 uirthi, de réir an mhionscannáin, atá sa Leabharlann Náisiúnta. Féach nóta 10.

**1821, 1824:**—Gréach an Mhuilinn, Machaire Cluana, Muineachán 1821-4,  
1828.<sup>1280</sup>

Scríobhaí neamhghairmiúil a bhí in Éamonn Mhac Cába, agus cé gur léir go raibh sé in ann Gaeilge a léamh, ní raibh aige ach tuiscint fhulangach ar mhodh a scríofa; agus tá easpa mhór leanúnachais ó thaobh chaighdeán na hortagrafaíochta ó áit go chéile sa lámhscríbhinn: cuireadh giota nó dhó ar pháipéar san *English character*. Tá

---

<sup>1280</sup> Tugann an chatalóg (Ó Muirgheasa 1905c: 808, col. a) an dáta 1825, agus luann Watson (2000-1) an bhliain sin amháin ina chuntas. Scríobh Énrí Ó Muirgheasa clár beag d'ábhar na lámhscríbhinne ar chuid de na fordhuilleoga a cuireadh léi nuair a cuireadh ceangal úr uirthi (ar son Énrí Uí Mhuirgheasa, is dóigh), agus tagraíonn sé do chuid de na colafoin atá inti, '... poem by Mac Cuarta, beg. *I nAchdhruim an air atáid na gcómhuidhe*. 11 pages. Written in Cornalárach, 1821 ...'; '... Críocha Déighionnach an Duine. Written in Greaghwillan in 1821 ...'; 'An Críoch Déighionnach. 11 pages. Apparently written in Dublin, 1824, or copied from a book written or printed there in that year ...' Chuir mé comaoin ar an bponcaíocht thuas. Tá an ceart aige faoi leabhar clóite a bheith in úsáid ag Éamonn; tugtar teideal an leabhair i nóta 1281. Is aisteach an ní é, mar sin, go ndeir Énrí Ó Muirgheasa i gcuntas gearr ar an scríobhaí a leanann sin, 'The Scribe. This Ms. was written by Eamonn Mac Cába of Greaghwillan, parish of Magheracluane, Co. Monaghan in the years 1824 and 1825. A note in Eng. at the end of No. 9, 'Mac na Míochomhairle', says "Wrote in the Gaol of Monaghan, Nov<sup>r</sup> 17<sup>th</sup> 1824 [4 *athraithe go 5*]." ...' Léigh Watson (2000-1: 257) an 17 Samhain 1825 ar an gcolafoin sin, ach is dóigh liom go raibh an ceart ag Ó Muirgheasa (1915: xii), áit ar léigh sé 1821 ar an dáta sin.

Chonaic muid i nóta 1131 thuas go mbíonn deacrachtaí againn ó am go chéile an uimhir arabach *I* a aithint ó 5 toisc gur nós *I* curtha a scríobh ag deireadh figiúirí. Ó tharla gur nós d'Éamonn Mhac Cába rainn na ndánta ina lámhscríbhinn a uimhriú, tá cnuasach maith samplaí dá chuid figiúirí ar ár ngar; ba nós dá chuid an *I* cuarta a úsáid ag deireadh figiúirí, agus bíonn an uimhir 5 scríofa go soiléir aige i gcinnteacht. Ní fheicim go bhfuil an dáta 1825 áit ar bith sa lámhscríbhinn. Fuair mé na dátaí seo—níl áireamh leathanach ar an lámhscríbhinn, agus tagraim go garbh don dán nó scéal a thagann roimh nó i ndiaidh an cholafoin mar áis don léitheoir. Do na téacsanna, féach Ó Muirgheasa (1905c), nó an clár lámhscríofa,

- (1) I ndiaidh 'Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill', 'Guidhidh *air* an sgríbhneoir a n-onoir na Trionoide Ro-Naomhtha. Mis(h)a Aemonn Mhc Caba. 1821. A Ghornalaráh'.
- (2) I ndiaidh 'Tuireamh Mhurchaidh Crúis', '... Mis(h)a Aemon Mhc Caba nGraigmhíllin a bparist(h)a Mhara Clooná 7 Cuindgh Mhinahinn'.
- (3) Roimh 'Críocha Déanacha an Duine', 'A leait[h]oir, airim [*sic*] ort guidh *ar* in sg[r]ibhinir in onoir na T(h)rinada Roo-Neef. Mis(h)a Aemonn Mhc Cab(h)a a nG[r]aighmhíllin'.
- (4) I ndiaidh 'Críocha Déanacha an Duine', 'A leit[h]ior iarim ort guidh *ar* in scribhiniár a n-inim na T(h)rinida R[o]-Neefa. Mis(h)e Aemon Mhc Cab(h)a a nG[r]aigamhíllinn .... 1821 ....'
- (5) I ndiaidh 'Mac na Míochomhairle', 'Wrote in the Gaol of Monaghan Nov<sup>r</sup> the 17<sup>th</sup> 1821'. Tá an litir deiridh giota beag doiléir, caithfidh mé a admháil, ach ní 4 ná 5 é. Léim 1821.
- (6) Roimh an dán *A mhacaoimh a théid a lasadh do léinn*, 'A leatháir iaríam ort(h) guidh ar a' sc[r]íbhneoir a n-onarr na T(h)rinada Ro-Neefa. Mis(h)a Aemonn Mhc Caba a nGraigmhíllin.
- (7) I ndiaidh an dáin *A mhacaoimh a théid a lasadh do léinn*, 'The 20<sup>th</sup> of November 1821. Aemonn Mhc Caba'.
- (8) Tar éis na dara cóipe de 'Críocha Déanacha an Duine', '... Mís(h)e Aemonn Mh<sup>c</sup> Caba a nGraigmhíllin ... 1824. Rote by Edward MCabe of Graighwillan, Dec<sup>r</sup> 1824'.
- (9) Ar an gcéad leathanach eile, '[M]is(h)a Aemonn Mhc C(h)aba a nGraigmhíllin by Edw<sup>d</sup> M<sup>c</sup>Cabe'.
- (10) Roimh an tairngreacht deiridh, 'The following lines are taken from the proficy of Collumbkille by Edward MCabe, 17<sup>th</sup> March 1828 ...'

an pheannaireacht go cosúil. Gheofar plé spéisiúil ar thréithe an ‘chórais’ litrithe a d’úsáid Éamonn, agus an léargas a thugann sé ar a chanúint, in Watson (2000-1).

Scríobhadh tosach na lámhscríbhíne, dealraíonn sé, i gCorr na Láithreach, Machaire Cluana, Co. Mhuineacháin, sa bhliain 1821, ach níorbh fhada nó gur aistrigh Éamonn go Gréach an Mhuilinn sa pharóiste céanna, áit a raibh sé socraithe roimh mhí na Samhna 1821. Dealraíonn sé gur scoir sé de ‘Mac na Míchomhairle’ a scríobh i bpríosún Mhuineacháin ar an 17 Samhain 1821, agus tá léirithe ag Watson (2000-1) go bhfuil a shliocht ar an gcóip sin den scéal gur tógadh síos í ón mbéalaithe, agus go léifí an rud céanna ar an ortagrafaíocht atá corr agus geall le bheith dothuigthe i gcúpla áit. An dara cóip de ‘Críocha Déanacha an Duine’ atá sa lámhscríbhinn, baineadh í as an eagrán a chuir Éamonn Ó Sealbhaidh i gcló i mBaile Átha Cliath, *Críoch Deigheanach don Duine: Dán Diadha* (1818).<sup>1281</sup> Ghraf Éamonn a chóip den ábhar i nGréach an Mhuilinn i mí na Nollag 1824. Scríobh sé ceann de na tairngreachtaí Béarla atá i gcúl na lámhscríbhíne ar an 17 Márta 1828. Níl lámhscríbhinn eile dá chuid ar fáil, go bhfios dom.

Tugann liosta na gcoitéirí ar Eastát Shirley<sup>1282</sup> le fios go raibh triúr coitéirí (Pat Keenan, James McEnulty agus Simon McPhillips) ag cur fúthu ar thailte Éamoinn Mhic Cába i nGréach an Mhuilinn idir na blianta 1840 agus 1847 (McMahon & O Neill 2010: 266). Luaitear Éamonn arís ar liosta gearr achainíoch a cuireadh le chéile ar an 8 Márta [1847],<sup>1283</sup> ach níl sé soiléir go ndeachaigh sé go dtí an Astráil, cosúil lena lán eile de thionóntaí an Eastáit sin.

---

<sup>1281</sup> Féach an *Clóliosta* faoin mbliain 1818, *Críoch Deigheanach don Duine: Dán Diadha* a cuireadh i gcló i mBaile Átha Cliath. Tá cóip de istigh le ARÉ 23079 (1388).

<sup>1282</sup> Féach an cuntas ar Aodh Mhac Cába i gCaib. 2.44 thuas.

<sup>1283</sup> Liosta dar dáta 8 Márta [1847] de ‘Messengers who were sent for Petitions to the different Stations on the Shirley Estate’:  
Messengers.                      Tenants who had Petitions.                      Paid to Messenger.

**CM L11 (b).** Dánta le hArt Mac Cumhaigh, Pádraig Mac a Liondain, Séamus

Mac Cuarta, laoithe fiannaíochta, mairgne ar Phathradh Mhac Cadhaidh,

‘Mac na Míchomhairle’, ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’. 1764, [? 1769].<sup>1285</sup>

**COFLA D2.** Cuid di.<sup>1286</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a

Liondain, Fearghus Mac Bheatha, Séathrún Céitinn, búrdún, nótaí ceoil,

beagán de scéal éigin (doléite). 1762-6.

**COFLA L12 (a).**† Formhór di.<sup>1287</sup> ‘Oidhe Chloinne hUisneach’.

---

Peter McCabe. Edw McCabe Greaghwiliam. 1/- (Duffy 1992: 46).

<sup>1284</sup> Measadh, in ainneoin go nglactar leis an dá leagan sin—Mag Aodha agus Mag Aoidh—mar leagan ceart Gaeilge de ‘McKay’, gurbh fhearr cloí lena dtugann an scríobhaí féin anseo, Mac Cadhaidh, óir d’úsáideadh sé an leagan sin mar riail (más aon treoír a bhfuil againn dá shaothar), agus, ní eile, ceadaítear an litriú sin i gcúpla lámhscríbhinn dhéanach agus Art Mac Cumhaigh faoi chaibidil ag na scríobhaithe—féach C Add. 4436 (19), mar shampla, Mcc Cudhaidhe (f. 3v), Mc Cubhaidhe (f. 12v), srl.—taobh leis an ngnáthlitríú. Fágann sin nárbh inmholta an iomarca athruithe a dhéanamh ar litriú an scríobhaí.

Más fíor gur doiligh a bheith cinnte gur scríobhadh codanna de CM L11 (b) sa bhliain 1769, is soiléir gur scríobhadh téacs amháin inti i ndiaidh mhí Iúil na bliana sin ar a luaithe. Féach nóta 1290 thíos, áit a bhfuil plé déanta fosta ar dháta báis a leagadh ar an scríobhaí tamall maith ó shin.

<sup>1285</sup> Ós rud é nach bhfuair mé deis breathnú ar an lámhscríbhinn bhunaidh, ach ar chóip mhionscannáin sa Leabharlann Náisiúnta, is féidir glacadh lena bhfuil thíos mar iarracht shealadach ar theacht ar chinneadh éigin faoi na dátaí a thugtar sa lámhscríbhinn, tharla go ndearnadh díobháil ar chuid mhaith de na colafoin.

Is éard a chuimsíonn cuid (b) den lámhscríbhinn, a thosaíonn ar lch 65, comhleabhar atá déanta de leabhráin bheaga atá uilig i láimh Eoin Mhic Cadhaidh, agus a cuireadh le chéile thart faoin am céanna, agus ríomhadh leathanach dá gcuid féin ar gach fochuid. Sa chéad fhochuid 24 leathanach, a stadann le dán (e) de réir chóras cláraithe Mhic Néill, tugtar na dátaí seo (an chuma ar na cinn a bhfuil réiltín leo gur athraíodh iad)—1769 (faoi dhó; amhras na falsaíochta ar cheann acu), 1799,\* agus 1794.\* Leanann ‘Mac na Míchomhairle’ (f) sin, dán le Pádraig Mac a Liondain (g), agus cóip de ‘Laoi na Mná Móire’ (h) a bhfuil 1764 mar dháta léi ag an deireadh. Is fearr an pheannaireacht sa dara cuid seo ar an móróir ná in aon chuid eile, agus tá an pheannaireacht sa chéad chuid thuas thar a bheith garbh, agus cosúil le cuid mhaith den scríbhneoireacht atá in COFLA D2 (ar scríobhadh codanna di chomh mall leis an mbliain 1766) sa dóigh gur dócha gur scríobhadh an dara cuid roimpi. Sa chuid eile, tá an dáta 1764 le trí théacs—is í ‘Laoi Taisgidh na bhFian’ (i) an chéad cheann acu; 1795\* (malairt dúigh) le giota próis chráifigh (n); agus tá an dá théacs eile gan dáta, agus scríofa go garbh. Ní ceist dúinn nach dátaí bunaidh iad 1794 (féach nóta 1290 thíos) agus 1799, ach is féidir, is dócha, gur dáta scríofa fíre é 1795 (ach go bhfuil malairt dúigh i gceist). Tá an chuma air, ar an mionscannán, go ndeachthas siar ar an dáta seo le dúch úr. Tharla go raibh claonadh ar leith ag an té a d’athraigh na dátaí i gcuid de na lámhscríbhinní atá i gnuasach O’Lavery 1769 nó 1799 a dhéanamh díobh (féach nóta 1572 i dtaobh CM L16(1)), bheinn in amhras gur dátaí cearta iad an dá dháta i mí Mheán Fómhair 1769 a luaitear leis an gcéad chuid, cé go gcaithfidh sé gur scríobhadh cuid den fhochuid sin i ndiaidh mhí Iúil 1769. [Is doiligh a dhéanamh amach cén seasamh atá ag an dáta (an 18 Eanáir 1769) a cuireadh leis an ngealltanar ar lch 9 san fhochuid sin, óir bheinn ag déanamh amach gur i bpeannaireacht duine a bhí beo sa 19ú hAois a scríobhadh an dáta sin, nach cuid den nóta bunaidh é]. Fágann sin go bhfuil 1764 curtha síos mar dháta scríofa agam, agus 1769 is comhartha ceiste leis, nó go mbeifear in ann an scéal a réiteach.

<sup>1286</sup> Leag Ó Fiannachta (1980: 4) lgh 51-66, 72-81 air, ach is dóigh liom gur scríobh sé lgh 51-81, 83-98. Féach nóta 2425 thíos.

Is é an dáta is luaithe atá againn le píosa scríbhneoireachta de chuid Eoin Mhic Cadhaidh mac Phádraic mhic Alastrain(?)<sup>1288</sup> an 24 Meán Fómhair 1762, ‘the day being 11 hours fifty minutes, the night twelve hours and 2 minutes’.<sup>1289</sup> Dealraíonn sé gur mheas Eoin Mac Néill gur cailleadh an scríobhaí sa bhliain 1794 mar gheall ar mhairgne a scríobhadh isteach i lámhscríbhinn eile dá chuid, CM L11 (*b*), ach is soiléir go raibh dul amú air.<sup>1290</sup> Ní fios cá huair a fuair sé bás.

Chreid Art Mhac Bionaid go mbíodh aithne ag a athair agus ag ‘John McCay’, scoláire Gaeilge, ar Pheadar Ó Doirnín, traidisiún a chuir an tAth. Pádraig Ó Luain (*q.v.*) ar phár i litir chuig Seán Ó Dálaigh ar an 12 Nollaig 1844. Agus é ag iarraidh a

<sup>1287</sup> Ba le hÉadbhard Ó hEachaidh (*q.v.*) í COFLA L12 (*a*), agus rinne sé an leathanach deiridh, lch 63, a dheisiú. Féach nóta 3077.

<sup>1288</sup> CM L11 (*b*), leabhrán 2, lch 24 [= lch 102]. Níor uimhríodh leathanaigh na lámhscríbhinne seo go leanúnach; tá cóip den cholafon seo i gCaib. 1.2.1, colafon 24.

<sup>1289</sup> COFLA D2, lch 59.

<sup>1290</sup> Is fiú nóta tráchta a thabhairt ar dhán neamhghnách amháin atá sa lámhscríbhinn ar ar scríobh Mac Néill (1906*b*: 210 col. a) an nóta gairid seo a leanas,

- (e) Poem, 3 stanzas on the death of Pathradh Mac Cadhaidh and on his son who died 1794 and was buried in Killeavy, Co. Armagh [Aois Mc. Dé an rae ó cean(nach) siol Adam.] Inserted in memory of the scribe whose signature occurs below at [poem] (h).

Faoi (*h*) tá taifeadta ag Mac Néill (1906*b*: 210, col. b) príomhcholafon na coda seo, a bhfuil cló air i gCaib. 1.2.1, colafon 24. Toisc gurb é ábhar an chaointe Pathradh Mhac Cadhaidh éigin, agus go bhfuil tagairt éigin déanta do ‘mhac’ sa tríú véarsa, is éasca a dhéanamh amach cén dóigh ar baineadh tuisle as Eoin Mac Néill; is leor le deimhniú go raibh dul amú air go bhfuil an dán féin i lámh an scríobhaí, Eoin Mhac Cadhaidh. Seo an dán ina iomláine,

Aois Mhic Dé an rae o ceaneadh siol Adamh  
do readhar [= réir] arsa na Naomh don chléir as leabhar na ngraidh;  
mile seacht ccead a 9 7 trifidh [= trí fichid] da radh  
's e chriochneadh an seanfhear na feile .i. Pathradh Mhac Cadhaidh.  
Faoi líg go fann 'ta ar cheannphurt [*sic*] go leir 'na luidh  
lamh reateadh [= réitigh] n-am tra g(h)an a cceill gach aon,  
craoibh fhuasgaidh gan m[h]ang [= bhang] do fhanbhochta De ana t[h]aoighe,  
gur uathreadh [= fhuaraigh] a bhfuill [*sic*] mi July ar a' seaseadh la fichad.  
Aois a' de[a]m[h]acse Neuill, 7 Rosa an fhuilt bhuidh,  
seacht mbliadhna deag(h) 'na dhiaigh go beacht is trí fichaid,  
oirchiste na nGaodhal 's na ndaoine do thathaigh thu 'caoi—  
ttea'poll Chill Sléibhe mo lean, ata an macsa 'na laoi [= luighe].  
July the 20<sup>th</sup> 1794 aged 57 years

Is í an chéad fhadhb atá le réiteach an líne deiridh thuas, mar is soiléir gur baineadh di i gcúpla áit, ó chruth na n-uimhreacha faoina bhfuil ponc thuas, agus is é an 26 Iúil 1769 an dáta báis a thugtar sa téacs. Is beag nach cinnte gurbh é seo an ní a bhí scríofa ag bun an leathanaigh tráth. De bhreis air seo, is é Pathradh féin an mac a luaitear ann, sa dóigh nach gcaointear ach duine amháin sa dán, agus ní féidir gurbh é athair an scríobhaí é, ó deirtear i nginealach an scríobhaí gur mhac le A<sup>1</sup> [Alastrain; ní N<sup>1</sup>] é Pádraic; mac le Niall a bhí i bPathradh. Níl ach dhá rud le tuiscint ón dán faoin scríobhaí, is é sin gur dócha gur grafadh seo sa chomharsanacht thart ar Chill Shléibhe, Co. Ard Mhacha, má d'éirigh leis teacht ar dhán uathúil nach gcuirfeadh duine nár den chomharsanacht é spéis ann; agus, ní eile, gur grafadh an chuid seo den leabhar sa bhliain 1769 ar a luaithe (ach ní i bhfad ina dhiaidh sin, is dóigh), mar a dúradh cheana.

léiriú go dtiocfadh le traidisiúin Airt i dtaobh Pheadair Uí Dhoirnín a bheith cruinn, scríobh sé na briathra seo mar iarfhocal leo,

The above are the words of Arthur Bennett of Ballykeel, Forkhill, without note or comment, ... In my humble opinion you may rely with greater degree of certainty on the above sketch, than on that which was given in the Nation of 1st April 1843, ... I come to this conclusion from the fact that Bennett was born in the very neighbourhood where O'Dornin died and was buried; that his father and one John McCoy were very old men and Irish scholars who often conversed with O'Dornin ...<sup>1291</sup>

Cé nach féidir go raibh aithne cheart ag athair Airt, a rugadh sa bhliain 1760, ar an bhfile clúiteach, níl fianaise ar bith agam a bhréagnódh sin i gcás Eoin Mhic Cadhaidh, nó a thacódh leis an tuairim sin ach gur bhain seisean agus Peadar Ó Doirnín leis an dúiche thart ar thuaisceart Cho. Lú agus deisceart Cho. Ard Mhacha. Is i lámhscríbhinn de chuid Eoin a thagann muid ar an gcóip is luaithe de dhán le hArt Mac Cumhaigh (*ob.* 1773(?)), a grafadh le linn don fhile a bheith ina bheatha, agus léiríonn an mhairgne ar Phathradh Mhac Cadhaidh a adhlacadh i gCill Shléibhe atá istigh sa lámhscríbhinn chéanna gur dócha gurbh as an dúiche thart ar Chill Shléibhe d'Eoin, ní a réitíonn go maith le seanchas Airt. Bhí Eoin eolach ar an Laidin, mar is soiléir ó chuid de na colafoin atá in CM L11 (*b*), ach ní dóigh liom gur féidir a dheimhniú gurb ionann é agus an tAth. John McKay ón nGleann,<sup>1292</sup> gar

---

<sup>1291</sup> LN G389(12). Litir ón Ath. Pádraig Ó Luain chuig Seán Ó Dálaigh, an 12 Nollaig 1844; i gcló cheana in Ó Buachalla (1965: 132-3).

<sup>1292</sup> Sin an 'sagart Eoin sa Ghleann' a ndéantar trácht air i ndán Pheadair Uí Dhoirnín ar Róis Nic an Bhaird, ach níl sloinne an tsagairt seo ar taifead in áit ar bith seachas dhá lámhscríbhinn de chuid na 19ú hAoise, agus is ó lámh Niocláis Uí Chearnaigh a thagann an dá nóta sin. Tá cló curtha ar an traidisiún seo san eagrán den dán a d'fhoilsigh Ó Tuathail (1950*a*), agus a chuir sé le chéile as ceithre chóip, COFLA L13 [= COFLA L12 (*b*); féach nóta 1776 thíos], COFLA D[7], ARÉ 23B19 (495), agus ARÉ 23E12 (769). Ba in ARÉ 23E12 (769) a fuarthas an nóta mínithe seo, lámhscríbhinn a ghráf Niocláis Ó Cearnaigh sa bhliain 1846, agus é ag tarraingt píosa maith ar ARÉ 23B19 (495). Beidh an léitheoir eolach cheana féin ar an nós sin a bhí ag Nioclás cuntais bhréige a cheapadh le cur lena chuid dánta féin, agus le dánta daoine eile; sin agus gurbh eisean an té ba mhó, más fíor, a mhúnlaigh na beathaisnéisí áibhéalacha a scríobh seisean agus Matha Mórdha Ó Graeme ar Pheadar Ó Doirnín deich mbliana sular ghráf sé an lámhscríbhinn ina bhfuil an nóta mínithe seo a luann John McKay éigin. B'in an nós a bhí aige, mar a tchífeam amach anseo, daoine fire a cheangal lena chuid scéalta le go mbeadh cuma na hiontaofachta orthu, agus níorbh ábhar iontais é, dar liom, dá mba é gur 'ghoid' sé ainm an scoláire seo againne lena scéal a chumadh, agus é fiosach air, b'fhéidir,

d’Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin, lena ndeachaigh bean Pheadair Uí Dhoirnín chun cónaí, más fíor don traidisiún a d’fhág Nioclás Ó Cearnaigh againn.

[**Mac Cadáin**]: *féach* Codan

**2.47. Labhrach Mac Cdhnill, c.1698–**

[Lawrence Hyland]

**ÓEG H37.** Cuid di.<sup>1293</sup> ‘Fíoreagna’ (leagan de ‘Eagna Fíre’ Phóil Segnari).  
1714.

Níl d’eolas againn i dtaobh Labhraigh Mhic Cdhnill ach go raibh sé sa seachtú bliain déag dá aois nuair a chríochnaigh sé a chuid de OÉG H37 ar an 20 Deireadh Fómhair 1714. Féach Aodh Ó Cobhthaigh (Caib. 2.138) thíos.

---

go raibh Eoin mór le Peadar Ó Doirnín, más fíor. Seo caint ARÉ 23E12 (769), mar a thugtar in Ó Tuathail (1950a: 9) í,

Róis Nic a Bhaird, or Rose Ward, was O Doirnin’s second wife, who being of a highly respectable family lived but a short time with him, she being unaccustomed to the poor comforts of life which a persecuted bard could only afford. She separated from him and engaged as housekeeper with the Revd. John McKay, of Glen, near Newry.

Agus tá leagan eile in ARÉ 23B19 (495), atá i gcló in de Rís (1969: 121),

Father John McKay, with whom Mrs. O’Dornin lived as housekeeper in the Glen near Newry, after she was forced to separate from her husband because he was unable to maintain her, on account of being persecuted under the penal law as a bard.

Is dóigh le de Rís (1969: 122) ó ábhar an dáin nach raibh siad pósta riamh, tharla go ndeir sé nach bhfuil sé pósta i *l.* 29 ina eagrán siúd (cé gur cheap Ó Buachalla (1969: 79) nárbh fhiú an véarsa sin a ligean isteach tharla nach bhfuil sé ach i gcuid de na cóipeanna déanacha), agus b’fhéidir gurbh olc leis an sagart Eoin an bheirt acu a bheith in aontíos lena chéile. Cibé rud é, is doiligh a chreidiúint gurb ionann é agus an scoláire a luaigh Art Mhac Bionaid, nó ní bheadh Peadar mór leis. Ar ndóigh níl sna traidisiúin seo ach scéalta, ar mó den chumadóireacht agus den mhearbhall atá iontu ná an fhírinn féin, agus níl rud ar bith ar eolas agam a dheimhneodh go raibh cónaí ar Eoin Mhac Cadhaidh gar d’Iúr Chinn Trá.

Tá sampla amháin eile sa lámhscríbhinn chéanna de shíscéal a d’fhigh Nioclás Ó Cearnaigh le chéile faoi scoláire Gaeilge a bhí comhaimseartha leis, Pádraig Ó Cathaláin (*q.v.*)—ag tógáil ar bhlúirí in ARÉ 23B19 (495) a cumadh lena linn féin—á rá gur ceapadh iad i dtreo dheireadh na 17ú hAoise, agus sin lena phátrún a shásamh, is dócha.

<sup>1293</sup> Féach nóta 2320.

**LBO Ir.e.4 (b) (16).** ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, dánta le Uilliam Mac Giolla Chiaráin, [Art Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta], ‘Mac na Míchomhairle’, tráchtas ar na Seacht Sacramaint, dánfhocal, rainn eile. Gréach na Ruag, Machaire Rois, Muineachán 1800-4.

Tháinig giota lámhscríbhíne de chuid an scríobhaí seo anuas chugainn a breacadh idir na blianta 1800 agus 1804 i nGréach na Ruag,<sup>1296</sup> agus is faoin mbaile fearainn sin a cláraíodh Thomas McKittrick, an scríobhaí, i *Leabhar na nDeachúnaithe* sa bhliain 1823. Bhí an lámhscríbhinn fós ina sheilbh sa bhliain 1814 agus dealraíonn sé gur chomharsa aige an ‘Thomas McEnally’<sup>1297</sup> a shínigh í in áiteacha éagsúla. Tugann sé an ginealas seo dúinn: ‘Tomas Mac Ceataibhru mac *Jo* (?) mhic Sheachain mhic Dhomhnall mhic Sheamus mhic Padrig’.<sup>1298</sup> Mhúineadh sé ranganna de chuid an *Irish Society* ina dhúiche idir na blianta 1824 agus 1826 (de Brún 2009: 387). Ba eisean an té a chum agus a scríobh rúin na múinteoirí Caitliceacha i ndúiche Dhún an Rí ar an 28 Nollaig 1825, rud a tharraing droch-chlú air nuair a foilsíodh iad i mí Mhárta na bliana 1826, thart faoin am a raibh cearta an phobail Chaitlicigh á bplé go díocasach sna nuachtáin. Níor scar Tomás leis an Eaglais Chaitliceach, áfach, cé gur diúltaíodh sacraimintí na hEaglaise dó agus dá chlann,<sup>1299</sup> agus chuir sé

<sup>1294</sup> Ní féidir liom teacht ar réiteach sásúil ar an dá leagan dá ainm a thugann an scríobhaí; féach Aguisín 4.

<sup>1295</sup> Nó ‘Thomas Munkittrick’.

<sup>1296</sup> Dhá ghiota ó cheart; féach an seanuimhriú leathanach a bhí ar an lámhscríbhinn. Tugtar roinnt eolais faoi seo in Ó Cuív (2001: 33).

<sup>1297</sup> Ff. 147v, 154v. Féach *Leabhar na nDeachúnaithe*, Gréach na Ruag, i bparóiste Mhachaire Rois.

<sup>1298</sup> LBO Ir.e.4 (b) (16), f. 144. Ní féidir ciall a bhaint as ainm a athar mar a thugtar sa ghinealach é ach fuair Ó Cuív (2001: 39) é seo sa nóta a scríobh sé ar f. 154, ‘Tomas Mhac Émainn aen chlesaidh’. Is é rud atá scríofa sa chéad ghinealach, áit a mbeifí ag súil le hainm a athar, *Fo* nó *Jo* sa script rómhánach. An raibh Joe McKittrick ar athair Thomáis? Maidir leis an dara nóta, is é rud atá inléite ann, ‘Guidhidh air an sgríobhneoir ... .i. Tomas Mhac É Mhainn= / =ain(?) Chlesaidh ...’ An féidir gur imeartas focal an méid seo ar a shloinne?

<sup>1299</sup> Ní dhéantar tagairt dá bhean chéile, ach mhair sí é. Féach nóta 1306 thíos.



achainí chuig Easpag Chlochair dá bharr sin (de Brún 2009: 387).<sup>1300</sup> B' éigean dó a admháil sa deireadh d' Ard-Easpag Ard Mhacha, Patrick Curtis (1747-1832), gurbh eisean an lámh stiúir ar chúl na rún, eolas a scaip an tArd-Easpag go poiblí gan mhoill ar bith ag cruinniú de chuid an Roman Catholic Association ar an 3 Meitheamh 1826,

#### ROMAN CATHOLIC ASSOCIATION.

Mr. Lawless brought forward this motion for allocating a portion of the funds of the Association to the creation of a model school in Dublin. He prefaced his motion by some remarks on an advertisement which appeared in the Evening Mail of the night before, from the Irish Society, in which they appear to conceive that they have achieved a triumph over the Association, with respect to the charges brought against that Society on the subject of the letter written from the 375 Roman Catholic schoolmasters. He, however, conceived the charge was completely substantiated by the internal evidence arising from the document itself, and the external evidence furnished by the Rev. Dr. Curtis, who stated that he had the admission of a man named M'Kitrick, that he was the fabricator of the document in question.<sup>1301</sup>

Chuir sé a ainm le mionnscribhinn chun na críche sin cúpla mí roimhe sin ar an 4 Aibreán 1826. Rinne na páipéir ciotaracha de,

#### THE 450 SCHOOLMASTERS

One of the most notorious and impudent tricks of this Society, was the getting up of certain Resolutions which appeared in this Journal on the 16<sup>th</sup> March, purporting to come from 450 Schoolmasters, in behalf of themselves and of FIVE THOUSAND ADULTS. Among other things, it was stated in these Resolutions so signed, that a Copy had been sent to his Grace the Catholic Primate. This was falsehood the first.— The Letter of Doctor CURTIS, inserted a few weeks since in this Journal, has sufficiently exposed this equally shameful and foolish device. We shall now enter into a little history of Creaghnarogue, and the rather as we have been provoked thereto by a letter with the signature of “H. I. MONCK MASON, Secretary to the Irish Society,” inclosing affidavits of THOMAS M'KITTRICK, the Chief of the

---

<sup>1300</sup> Níl cóip den achainí seo, go bhfios dom, le fáil i bpáipéir na Deoise anois.

<sup>1301</sup> *Belfast Newsletter*, an 9 Meitheamh 1826.

Adults; and of MICHAEL OWENS, Inspector of Irish Schools,<sup>1302</sup> and which we inserted on Tuesday last, M'KITTRICK, while he sets at naught the Authority of his Church, which no Catholic can do, pretends to be a member thereof. OWENS, we suppose, is a travelling Swaddler.

Mr. H. J. M. Mason has the most entire confidence in the genuineness of what, in despite of his authority, we must still call a fabrication and a forgery, and he grounds his belief on the affidavits of M'KITTRICK and OWENS.

M'KITTRICK swears on the Holy Evangelists, that he is a Roman Catholic. We shall see how this assertion is made out. And first, after apologising to the Public for introducing such a name in print—to which we are, however, compelled by the Irish Society—we must give a short history of THOMAS M'KITTRICK. He was brought up a Stone-mason—became in process of time a Tithe Proctor—and is now Gospeller to the Irish Society, and is said to be in connection with the Hibernian and Kildare-street Associations.

Creagnarogue is in the Diocese of Clogher, and the Catholic Bishop is the Right Reverend Doctor KERNAN. Having set up as a teacher of the word, and having used a spurious translation of the New Testament, he was first warned by the Clergymen of the Parish. His contumacy continuing, he was censured—and, for the last two years, *he has been deprived of the benefits of participating in the Sacraments of the Catholic Church*. ... But why, it may be asked, has not the man openly professed the Reformed Religion? Simple question! This would not suit the object of the Proselytizers—they wish to employ Catholics as their instruments; and M'KITTRICK is described as a shrewd, artful and impudent fellow. ... With regard to the *School* under M'KITTRICK, we are enabled to state, that it consists exclusively of his own children (God help them!) who are exhibited from time to time before OWENS, the Inspector, and who, no doubt, because the poor man's livelihood depends upon it, makes them flourish among the 450 Schools of the Irish Society. What a shameless, what a flagitious humbug this is!<sup>1303</sup>

Más fíor go raibh cúram óg aige agus iad ag freastal ar a scoil, is dóigh nach raibh sé ach ina stócach nuair a ghráf sé LBO Ir.e.4 (b) (16) idir na blianta 1800 agus 1804, breis agus fiche bliain roimhe sin. Ar dhuilleog amháin, scríobh Thomas M<sup>c</sup>Kittrick éigin, glacaim leis, cóip de nóta a ghráf Tomás an scríobhaí ar an 4 Aibreán 1814, agus an chuma ar an bpeannaireacht gur scríobh páiste é.<sup>1304</sup> An féidir go raibh Tomás ag teagasc scríobh an Bhéarla do mhac leis darbh ainm Thomas? Ní fios dom,

---

<sup>1302</sup> Féach de Brún (2009: 417-20).

<sup>1303</sup> *Dublin Evening Post*, an 4 Bealtaine 1826.

<sup>1304</sup> LBO Ir.e.4 (b) (16), f. 154v.

agus ní dóigh go bhfaighfear réiteach ar an gceist, óir níl cláir baistí ar fáil do pharóiste Mhachaire Rois don chéad leath den 19ú hAois. Níorbh fhearr an méid a dúirt Domhnall Ó Conaill ina thaobh:

Nay—still better times appear to be approaching—and you and I may both live to see the period when the greatest spiritual rascality shall go without any reward—and when a man may play the malignant hypocrite for years without any increase to his temporal gains.

If that period shall arrive, as arrive I certainly think it will, what will then become of the M‘Kittricks, the Murtough O’Sullivans, the O’Phelans, the O’Dalys, and all the rest of the miserable group of that day, who may be ready to sell their souls to perdition for a mess of the sugared pottage of the Establishment.<sup>1305</sup>

Rinneadh tromionsaí air agus d’éag sé dá thoradh sin am éigin idir an 2 Meitheamh 1826 agus mí an Mhárta 1830.<sup>1306</sup> D’fhág sé baintreach agus cúram ina dhiaidh. Ba dhóigh le de Brún (2009: 388) gur tharla sé sin roimh an 5 Meán Fómhair 1827 toisc nach bhfuil a shíniú le fáil ar na rúin a síníodh i ndúiche Dhún an Rí ar an lá sin. B’fhiú cuimhneamh air, áfach, gur scríobh an tOir. T. Winning i dtuairisc dar dáta 20 Márta 1828 gurbh é Owen McDaniel an chéad fhostaí de chuid an *Irish Society* ‘to be killed *in its service*’<sup>1307</sup> (de Brún 2009: 341). D’fhéadfadh sé, mar sin, gur scar Tomás Mhac Ceitearu leis an gcumann idir mí an Mheithimh 1826 agus mí Mheán Fómhair 1827 agus gur maraíodh é am éigin sula bhfuair Owen McDaniel bás i mí Mhárta na bliana 1828.<sup>1308</sup> Bhí a bhaintreach fós ina beatha ar an 18 Márta 1830.<sup>1309</sup>

---

<sup>1305</sup> Litir ó Dhomhnall Ó Conaill, Cearnóg Mhuirfean, chuig an Oir. Robert Daly, an 2 Bealtaine 1826; fuarthas an chóip seo sa *Southern Reporter and Cork Commerical Courier*, 27 Bealtaine 1826.

<sup>1306</sup> *Saunders’s News-Letter*, 18 Márta 1830, ‘The Anniversary Meeting of this most useful Society was held yesterday in the round room of the Rotunda, ... On the platform were a number of Clergymen, and several of the Irish Masters and Pupils of the Society, we also noticed the widow of Mr. Kittrick the Irish Teacher, who died from effects of a violent assault committed upon him in consequence of his connexion with the society’.

<sup>1307</sup> Liomsa an cló iodálach.

<sup>1308</sup> Tá sé intuigthe ón óráid a thug an tOir. T. Winning sa bhliain 1833, gurbh é Tomás Mhac Ceitearu an chéad mhúinteoir a maraíodh:

‘—Nay; in the cause of Bible education, *four* of the poor men have *been murdered*. The *first* who became a victim, was the teacher who originated the first resolutions from the

Fuair Joseph Munkittrick éigin íocaíocht ón *Irish Society* sa bhliain 1825 fosta (de Brún 2009: 387).

**2.49. Seon Mac Ciar, fl.1738**

[John Short]

**LNA 72.2.5.** ‘Eachtra Cloinne Thomáis’, ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh’, ‘Cath Lisín Uí Dhunagáin’, ‘Ceithearnach Uí Dhomhnaill’, dánta, laoihe fiannaíochta, ‘An Teanga Bhithnua’. Clochar, Tír Eoghain<sup>1310</sup> 1738.

Is í seo an t-aon lámhscríbhinn atá againn sa tréimhse seo ar féidir í a cheangal go húdaráisach le Co. Thír Eoghain, agus taispeánann an t-ábhar atá inti go raibh teacht ag an scríobhaí ar théacs a cumadh lena linn féin, nó geall leis, i mBaile Átha Cliath, ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh’. Cuid den ábhar eile, ‘Parliament Chloinne Tomáis’, mar shampla, is dóigh gurbh i lámhscríbhinn a tháinig aníos ó Bhaile Átha Cliath nó ó Cho. na Mí a fuair Seon iad. Insíonn an scríobhaí dúinn gurbh í seo a chéad iarracht ar lámhscríbhinn Ghaeilge a ghráfadh,<sup>1311</sup> agus gabhann an dán beag seo léi:

*Beanacht an tshloigh do gach eolach ⁊ leathoir grinn  
leanthois an raod go seólta ar lorg mo phinn;  
ar ghradh Mhic na hOigh glormhur ceasugh a ccrann,  
mur mbeandacht faoi dhó gach lao thaphurt damh ann.*<sup>1312</sup>

---

Kingscourt district; the *second*, Mr. Daniel, murdered at Carricleck,...’ (de Brún 2009: 119-20).

Ar an láimh eile, tugann na rúin a ritheadh ag cruinniú de chuid an chumainn sa bhliain 1828 le fios gurbh é Owen McDaniel an chéad mhúinteoir a maraíodh le linn dó a bheith fostaithe ag an gcumann (de Brún 2009: 340-1). Ní éasca teacht ar thagairtí cruinne do dhúmharú Thomáis sna páipéir náisiúnta agus sna páipéir áitiúla atá againn go fóill—rud nach gcuirfeadh iontas ar bith orainn má chuimhníonn muid ar an ionsaí a rinne siad air sa bhliain 1826.

<sup>1309</sup> Féach nóta 1306 thuas.

<sup>1310</sup> Tugann sé ‘Se(a)n mac Ciar o Chlochar na cClair a cClair [T]hior Eoghinn...’ air féin (Mackechnie 1973: 218 col. a). Is féidir droim láimhe, mar sin, a thabhairt don tomhas a rinne Mackinnon (1912: 101) gur scríobhadh an lámhscríbhinn seo i gCúige Chonnacht, tuairim a bhunaigh sé ar ábhar an téacs ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh’, a bhfuil cóip de sa lámhscríbhinn, cinnte. Lean Mackechnie (1973: 217 col. b) an tuairim seo, ar ábhar éigin, gur scríobhadh i gCúige Chonnacht í. Is dóigh liom gurbh é Ó Baoill (2007: 87) an chéad duine a cheangal an scríobhaí seo le Co. Thír Eoghain.

<sup>1311</sup> Lch 216, ‘Written per John Short for his diversion, being the first of his Irish writting (sic) and prays all that this little book comes through their hands that they may be careful of it. 1738’ (Mackechnie 1973: 217 col. b).

<sup>1312</sup> Mackechnie (1973: 218 col. a).

Is maith mar chéadiarracht í LNA 72.2.5. Bhí an lámhscríbhinn i gnuasach Mhíchíl Mhic Dhomhnaill ó Cheanannas, Co. na Mí,<sup>1313</sup> faoin mbliain 1799. Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn goidé mar a bhain sí Co. na Mí amach. Ní féidir Seon a cheangal leis an mbiocáire John Short ar chuir Art Mhac Bionaid an chuid Bhéarla de ‘Tagra an Dá Theampall’ ina bhéal;<sup>1314</sup> tharlódh sé gur chum Art Mac Cumhaigh an dán uilig, cibé rud é.

**2.50. Matha Mhac Cinnéadaigh, fl.1800-36**

[Matthew Kennedy]

**LBO Ir.e.4 (c) (16).** Cuid di. ‘Fís Mherlínó’, ‘Taispeánadh Naomh Póil’, dán le Séamus Mac Cuarta. Baile an Bhótúnaigh, Baile Mhic Mháirtín, An Lú 1817-19.

**MN B1.** Bloghanna di. Obair dheisithe: beagán de ‘Coimheasgar na gCuradh’, búrdún.

Is i gceangal leis an leabhar urnaithe, *The Spiritual Rose* (1800), is mó atá iomrá ar an ainm Mat(t)hew Kennedy i gcúrsaí Gaeilge. Rinneadh plé ar an údar seo in Ó Mórdha (1958a), McKenna (1991: 55-6; 2001: xvi), agus in de Brún (2009: 309-10). Tuigeadh le fada an lá gurbh é an tAth. Brian Ó Cathaláin (*ob.*1804), scoláire Gaeilge, a dhíol as an saothar a chur i gcló, ach taispeánadh ó shin go bhfuil roinnt ceisteanna le freagairt faoin gceangal a bhí aige leis an leabhar. Tháinig Ó Mórdha (1958a) ar thrí thagairt do scoláire Gaeilge darbh ainm Matha Mhac Cinnéadaigh ó Bhaile an Bhótúnaigh, Baile Mhic Mháirtín, Co. Lú, sna Litreacha Suirbhéireachta, mar aon le taifead air i *Leabhar Deachúnaithe* (1834) an pharóiste, agus tá glacadh

<sup>1313</sup> Féach an plé ar Mhícheál Mhac Domhnaill (*fl.*1799-1817) i gCaib. 2.65 thíos.

<sup>1314</sup> Nóta in COFLA D7; tá cóip de in Ó Doibhlin (1999-2000: 118).

leis a bheag nó a mhór ó shin gurbh é an duine céanna é an scríobhaí agus fear tiomsaithe an leabhair urnaithe.

Léirigh McKenna (1991: 54-5; 2001: xiv), diomaite de gur cuireadh cló ar an saothar faoi chúig,<sup>1315</sup> go bhfuil dhá leagan bhunúsacha de againn, an bunsaothar A ‘Rendered into Irish by Mathew Kennedy’ a priontáladh i Muineachán sa bhliain 1800; agus C, leagan leasaithe a cuireadh amach sa bhliain 1825. Fághtar leagan C ar Mat. Kennedy, ach deirtear go ndeachaigh ‘*an eminent Irish Scholar and Divine*’ siar ar an ábhar, á cheartú agus á atheagrú scaití. Ba é an t-athrú is mó a rinne an scoláire seo dhá dhán leis an Ath. Brian Ó Cathaláin, S.P. Inis Caoin, a chur ag deireadh an leabhair,<sup>1316</sup> agus taobh amuigh de na dánta seo—nár cuireadh isteach sa leabhar go dtí go raibh an tAth. Brian marbh—níl aon cheangal follasach ann idir an sagart sin agus *The Spiritual Rose*. An méid sin agus gur foilsíodh an bunsaothar, A, i Muineachán, ach ní fiú dada sin. Glacann McKenna (1991: 55-6; 2001: xvii) leis gurb aon duine amháin an fear a luaitear sna litreacha suirbhéireachta agus an scoláire a chuir *The Spiritual Rose* in eagar sa bhliain 1800: ‘... it is reasonable to assume that they are the same person’ (McKenna 2001: xvii), cé go ndeir sé nach féidir sin a chruthú amach is amach. Ní hé amháin go raibh eolas ar an nGaeilge scríofa ag Mathew Kennedy, údar *The Spiritual Rose*, ach go raibh cur amach aige, mar a bheifí ag súil leis, ar ábhar na lámhscríbhinní Gaeilge fosta.<sup>1317</sup>

---

<sup>1315</sup> Tugann McKenna (1991; 2001) Leagan A ar an gcéad chló a cuireadh i bprionta sa bhliain 1800. Cuireadh athchló ar an leabhar sna blianta 1819 [= B, caillte], 1820, 1825 [= C], agus 1835 [= D]; féach nóta 333 thuas. Chuir McKenna (2001) eagrán dioplomáideach de Leagan C, atheagrán na bliana 1825, den téacs i gcló. Maidir le heagrán na bliana 1820, féach de Brún (2009: 365). Bhí drogall áirithe ar McKenna, de réir dealraimh, an scríobhaí agus eagarthóir an leabhair a cheangal lena chéile (1991: 55-6; 2001: xvii), cé gur mheas sé gur dócha gurbh aon duine amháin iad. D’fhéadfaí glacadh leis seo, áfach; féach Ó Mórdha (1958a: 263).

<sup>1316</sup> McKenna (1991: 58-9; 2001: xvi).

<sup>1317</sup> Is é rud atá i gceist agam, gur dóigh go léadh sé lámhscríbhinní. Thaispeáin McKenna (2001: xv n.16) gur baineadh cuid d’ábhar *The Spiritual Rose* (leaganacha A, C) as ‘Beatha Chríost’, dán fada ar grafadh cuid mhaith cóipeanna de san 18ú hAois. Ba i gCo. na Mí a scríobhadh an chuid is mó acu siúd a bhaineann leis an gceantar seo. Dán Muimhneach ó bhunús atá ann.

Deir McKenna (2001: xvii) go raibh an Matthew Kennedy a bhí ag cur faoi i mBaile an Bhótúnaigh ‘alive around the 1830’s’, ach is féidir a léiriú go raibh an duine seo beo idir na blianta 1802 agus 1836. Chuir Ó Mórdha (1958a: 263-4) agus de Brún (2009: 309-10) trí shliocht as litir de chuid na Litreacha Suirbhéireachta i gcló, agus is fiú iad a thabhairt arís. Ar an 22 Eanáir 1836 a scríobhadh an litir seo, a thráchtann ar an taighde a rinne Thomas O’Conor agus Patrick O’Keeffe an lá sin,

We went, today, to the PARISHES OF DROMISKIN, MANSFIELDSTOWN AND DARVER, and got the names of the townlands in the first pronounced in Irish by Thomas Duffy a respectable resident farmer of Dromiskin townland; in the Second by Mathew Kennedy, a resident farmer in Woodenstown townland in said Parish; and in the last by Mr. O’Reilly, a resident in Same (Darver). ...<sup>1318</sup>

Fayne River ... there is a bridge on this river within 2½ miles of Ardee to the N. which they call Droichet Átha na bhFianaibh, regarding which name there is a story told of Cuchullin ... We could get no person to tell the story in full; Matthew Kennedy of Mansfieldstown Parish recollects from MS. a few scattered scraps of it, which are not worth the telling, as no important names appear in them; he lent the MS. and the story with it. ...<sup>1319</sup>

Matthew Kennedy, has a few Irish MSS. in his hands; he shewed us two, one of which was entitled Eachtra na g-Curadh, in which a good deal is said of Cuchullen, *Fear dhia Mac Daman* and others. Matthews had a MS. in which was the history of Cuchullen’s birth, the origin of his name, his life and death; he remembers a considerable part of the story, but not the names of the persons and places connected with it.<sup>1320</sup>

Léiríonn an sliocht deiridh thuas go raibh cóip de ‘Eachtra na gCuradh’ ina sheilbh; agus is beag stró a bheadh orainn an lámhscríbhinn seo a cheangal le MN B1, lámhscríbhinn de chuid na 18ú hAoise ina bhfuil cóipeanna de ‘Coimheasgar na gCuradh’ agus ‘Eachtra na gCuradh’, tharla go bhfuil síniú Mhatha uirthi i gcúpla

---

<sup>1318</sup> ARÉ 14D23, lch 152; i gcló in Herity (2012: 272).

<sup>1319</sup> ARÉ 14D23, lch 158; Herity (2012: 274). Mise a chuir isteach na ceannlitreacha i gcás an logainm Droichet Átha na bhFianaibh.

<sup>1320</sup> ARE 14D23, lgh 162-3; Herity (2012: 275). Mise a chuir isteach na ceannlitreacha i gcás an scéil ‘Eachtra na gCuradh’, agus is doiligh a rá cé acu is duine eile ar fad an fear sin Matthews a luaitear thuas, nó is botún pinn é. Luaitear Matthews arís sa litir.

áit.<sup>1321</sup> Más fíor go bhfuil glacadh éigin leis gur scríobh Peadar Ó Doirnín (*q.v.*) í, tá go leor ceisteanna le freagairt faoi na colafoin dhéanacha a cuireadh léi faoi ainm Pheadair. Shínigh Matha Mhac Cinnéadaigh MN B1 cúpla uair idir na blianta 1802 agus 1829,<sup>1322</sup> agus ba eisean a chuir colafoin bhréige léi ina ndeirtear gur scríobh Peadar Ó Doirnín í sa bhliain 1777.<sup>1323</sup> Lena cheart a thabhairt dó, níor mhiste a lua go ndearna sé iarracht cuid de na leathanaigh thollta sa lámhscríbhinn a athscríobh, agus is féidir go raibh colafoin de chuid Pheadair Uí Dhoirnín ar chuid de na leathanaigh seo nach raibh sé in ann a léamh i gceart.

An t-aon lámhscríbhinn cheart de chuid Mhatha a tháinig slán chugainn, scríobhadh í i mBaile an Bhótúnaigh, Baile Mhic Mhairtín, i dtuaisceart Cho. Lú, idir na blianta 1817 agus 1819. Cnuasach beag de phíosáí cráifeacha atá ann, agus taispeánann an lámhscríbhinn bheag seo gur scríobhaí Gaeilge ceart é Matha, agus ní léitheoir lámhscríbhinní amháin.<sup>1324</sup> Aon duine amháin iad údar *The Spiritual Rose* agus Matha na lámhscríbhinní, déarfainn. Luaitear a ainm ar rollaí pá an *Irish Society* idir mí Feabhra 1825 agus Bealtaine 1827, agus chuir sé a ainm leis na rúin a scríobh na múinteoirí Caitliceacha i ndúiche Dhún an Rí an 5 Meán Fómhair 1827 (de Brún 2009: 309). B'fhéidir gurbh in an dóigh ar chuir Matha aithne ar Pheadar Ó Gealacáin ó Bhaile Mhic Cathnain, Maigh nEalta, Co. na Mí, den chéad uair; nó

---

<sup>1321</sup> Ní féidir an méid sin a dhearbhu, áfach; féach nóta 1322 thíos.

<sup>1322</sup> Níl na dátaí in de Brún (2009: 309) ceart. Thug Ó Fiannachta faoi deara, *M.N. Cat.*, iv, 112, go bhfuil nóta i gcuid (*b*), lch 179*b*, a thaispeánann go raibh an lámhscríbhinn ag Matthew Kennedy ó Bhaile an Bhótúnaigh ar an 27 Meitheamh 1802, nuair a thug sé do Batt Ward í, agus bhí sí ar ais aige ar an 15 Meán Fómhair 1829; féach cuid (*a*), lch 69. Dhealródh sé gurbh í MN B1 an lámhscríbhinn a bhí aige nuair a labhair Thomas O'Conor agus Patrick O'Keeffe leis. Féach nóta 1326.

Ní fios dom cé uaidh a bhfuair Matha an lámhscríbhinn, ach is ábhar spéise go raibh lámhscríbhinn le Pádraig Ó Pronntaigh aige, LN G457 (féach nóta 1330 thíos), agus go bhfuil nótaí léitheora in MN B1 (*b*), lgh 38-9, srl., atá scríofa i lámh atá thar a bheith cosúil le lámh Phádraig Uí Phronntaigh.

<sup>1323</sup> *M.N. Cat.*, iv, 110. Chuir sé na colafoin seo i mbéal Pheadair Uí Dhoirnín, agus tá glacadh leis le cianta anois nach féidir gur scríobh Peadar Ó Doirnín MN B1 sa bhliain 1777; cailleadh é i dtús na bliana 1769. Ar an lámh eile, leagtar an lámhscríbhinn ar Pheadar Ó Doirnín go fóill i leabhair áirithe; féach, mar shampla, Ó Baoill (2007: 79), a áiríonn é mar scríobhaí de chuid Cho. Ard Mhacha, agus féach fosta an cuntas a thugtar ar an scríobhaí sin i gCaib. 2.149 thíos.

<sup>1324</sup> Déarfainn go meabhródh cuid de na dearmadtaí litrithe sa lámhscríbhinn seo caighdeán na hortagrafaíochta in *The Spiritual Rose* dúinn.



thug sé an lámhscríbhinn luachmhar sin, MN B1, ar iasacht dó, sa dóigh gur thosaigh Peadar a ghrafadh a chóipe féin di ar an 24 Samhain 1827.<sup>1325</sup>

Bhí an lámhscríbhinn ag Peadar Ó Gealacháin idir na blianta 1827 agus 1828 [? go dtí mí Lúnasa 1829],<sup>1326</sup> agus ag beirt eile ó Cho. na Mí thart faoin am céanna—John A. Nicholson<sup>1327</sup> ó Bhaile an Rátha, agus ——— Mac Bhrádaigh,<sup>1328</sup> ach bhí sí fillte ar Mhatha faoin 15 Meán Fómhair 1829, an dáta is maille óna láimh atá inti.<sup>1329</sup> Téann sé le céill gurb í MN B1 an chóip de ‘Eachtra na gCuradh’ a chonaic Thomas O’Conor agus Patrick O’Keeffe i gnuasach Mhatha ar an 22 Eanáir 1836. Bhí sé ag cur faoi ar ghiota talún 7A 0R 29P i mBaile an Bhótúnaigh, i bparóiste Bhaile Mhic Mháirtín, nuair a cuireadh *Leabhar na nDeachúnaithe* le chéile sa bhliain 1834 (Ó Mórdha 1958a: 263); agus dhealródh sé gur scológ a bhí ann, mar a dúirt Thomas O’Conor agus Patrick O’Keeffe ina thaobh. Ní heol dom go bhfuil tagairt eile do Mhatha a bheith beo i ndiaidh dháta na litreach thuas, an 22 Eanáir 1836.

Bhí LN G457, lámhscríbhinn a ghraf Pádraig Ó Pronntaigh sa bhliain 1759, idir lámha ag Matha tráth.<sup>1330</sup> Cheannaigh Brian Ó Searcaigh (*q.v.*) MN B1 ó shealbhóir anaithnid ar an 16 Bealtaine 1838;<sup>1331</sup> ba le Thomas Kennedy LBO Ir.e.4 (c) (16) ar an 11 Meitheamh 1841.<sup>1332</sup> Tuairimíonn de Brún (2009: 310) gurb ionann an duine seo agus an té a shínigh rúin an *Irish Society* ar an 5 Meán Fómhair 1827, mar a

---

<sup>1325</sup> OÉG H39(1), lch 1.

<sup>1326</sup> Bhain Peadar Ó Gealacháin ábhar as MN B1 sa bhliain 1828 nuair a bhí sé ag scríobh cóipeanna de na téacsanna sin in OÉG H39; féach an cuntas ar Pheadar Ó Gealacháin i gCaib. 2.171 thíos. Gheofar a shíniú i gcuid (b), lch 72, den lámhscríbhinn faoin dáta 27 Márta 1828, *M.N. Cat.*, iv, 111. Chuir Peadar ceangal ar a chóip féin ar an 3 Lúnasa 1829.

<sup>1327</sup> Féach nóta 1538.

<sup>1328</sup> Féach na nótaí in MN B1 (a), lgh 69, 85 (Eoin Mac Niocláis; John A. Nicholson); (b), lch 54 (‘<...> m<sup>c</sup> Bhrada ... gonnda na Míea’). Is féidir go raibh an lámhscríbhinn ag ‘Sean A Reilldh’ (*al.* John O’Reilly), cibé duine é, thart faoin am céanna; féach a ainm ar MN B1 (a), lgh 64, 84.

<sup>1329</sup> Féach nóta 1322.

<sup>1330</sup> Bhreac seisean, agus daoine eile dar shloinne sin, nótaí beaga ar an lámhscríbhinn; féach *N.L.I. Cat.*, x, 46-7. Shínigh Matha lch vii.

<sup>1331</sup> MN B1 (a), lch 62.

<sup>1332</sup> LBO Ir.e.4 (c) (16), f. 179v.

rinne Matha é féin, agus a bhí ina bhall den chumann go fóill sa bhliain 1836. Is féidir, mar sin, gur scaipeadh leabhair Mhatha go gairid tar éis na bliana 1836, ionann is go bhfuair sé bás thart faoin am sin, ach ní féidir liom teacht ar theastas adhlactha dó. Sa bhreacadaíl atá ar LN G457, tá sínithe agus nótaí ó dhaoine atá ar aon sloinne leis, agus dhealródh sé go raibh páirt acu leis, Padruic Mac Cinneadui (Patt Kennedy),<sup>1333</sup> Owen Kennedy,<sup>1334</sup> Miccui Mac Cineadeadh.<sup>1335</sup>

## 2.51. Brian Mhac Cionnaoith,<sup>1336</sup> fl.1810-23

[Bernard McKenna]

**ARÉ 23M39 (344).** Marbhna ar an Ath. Ros Mac Cionnaoith, ‘Dán Mhaoise’, ‘Críocha Déanacha an Duine’, sleachta as leagan Gaeilge de shaothar Thomas à Kempis, búrdúin agus dánfhocail, ‘Astar agus Imtheacht an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’. An Phailís, Domhnach, Muineachán 1810.

Tá an lámhscríbhinn seo, a grafadh i nDomhnach i dtuaisceart Cho. Mhuineacháin, dreoite go mór agus tá síniú an scríobhaí ina láimh leochaileach inléite sna himill maille le giotáí beaga Laidine.<sup>1337</sup> Chóipeáil sé giotáí filíochta faoi dhó ag tús na lámhscríbhinne; promhadh pinn atá i gceist, is dócha. Cé gur beag eolas atá ar fáil faoi, is eol dúinn, mar gheall ar thaighde Uí Mhórdha (1963), go bhfuair sé a chuid oiliúna i scoil chlasaiceach an Ath. John Keenan.<sup>1338</sup> Cuireadh an tAth. Keenan chuig

<sup>1333</sup> LN G457, lgh i, iii. Féach fosta lgh v, vii.

<sup>1334</sup> LN G457, lgh i, xiv.

<sup>1335</sup> LN G457, lgh vii.

<sup>1336</sup> Mar ‘Brian Mhac Ionaigh’ (lch 7), ‘Brían Mhac Iónaigh’ (lch 40), srl., a litríodh sé a ainm, ach ó tharla nach bhfuil i gceist anseo ach litriú foghrúil, cloítear leis an bhfoirm chlasaiceach thuas. Is aisteach an ní é, áfach, go litríonn sé ainm an tsagairt mhairbh sa dán [*Sagart*] *paraiste Aireagal a’ Triúcha*, Ros Mac Cionnaoith, mar ‘Ros Mhic Cinnaith’ (*gin.*) faoi dhó ar lch 2.

<sup>1337</sup> Féach, mar shampla, ARÉ 23M39 (344), lch 38, ‘Hic liber pertinet at [*sic*] Bernardum McKenna’.

Tá an nóta céanna ar lch 41.

<sup>1338</sup> Gheofar cuntas mionsonraithe ar scoil an Ath. Keenan in Murtagh (1997). Is fiú an cuntas seo a thugann Carleton ar an scoil sin a atáirgeadh mar gheall ar an léargas a thugann sé ar stíl mhúinteoireachta an Ath. Keenan agus ar an gcineál oiliúna a fuair Brian Mhac Cionnaoith é féin, is dócha, sa tseanscoil i nGlasloch:

Domhnach, Co. Mhuineacháin, sa bhliain 1812, cúpla bliain tar éis a oirnithe (Murtagh 1997: 61), áit ar bhunaigh sé a scoil i nGlasloch, agus chuaigh Brian go Dún Dealgan leis le scoil úr a bhunú ann ag tús na bliana 1817 (Ó Mórdha 1963: 159; McMahon 1991: 113).<sup>1339</sup> Mhúintí an Ghaeilge sa scoil sin, agus mórán teangacha eile.<sup>1340</sup> D’aimsigh Séamus P. Ó Mórdha tagairt spéisiúil dó i gcuimhní cinn William Carleton<sup>1341</sup> faoin uair a chuaigh Carleton chuig scoil an Ath. Keenan i nDún Dealgan, am éigin sular fhág an sagart an dúiche sin in 1823: bhí Carleton ag súil le post mar uiséir scoile an uair sin. Bhuail sé le Brian Mhac Cionnaoith ann—  
dhealródh sé go raibh cónaí air i nDún Dealgan faoin am sin,

An old schoolmate of mine whom I forgot to mention before, by name Bernard McKenna, was [Fr. Keenan’s] first Classical assistant, and had been his best pupil when he kept his school in Glasslough. When I discovered this, which I did that evening, I gave up all hopes of an appointment as usher. McKenna was a young fellow who read most assiduously – in fact, whose eyes were never off his books by night or by day. I don’t think I ever met a better Classical scholar; neither Keenan nor I were fit to be named in the same day as him’.<sup>1342</sup>

Más i nDún Dealgan a bhí sé lonnaithe i dtreo dheireadh na 1810í, ní fios goidé an chríoch a tháinig air tar éis don Ath. Keenan an scoil a dhruid, mar a dúradh thuas, sa

---

‘As a classical teacher he possessed one good habit which cannot be too often imitated. He made Latin the language of the school, with those boys, at least, who were sufficiently advanced for that purpose. He also made us write extensively in Latin, and kept us constantly translating passages from the best English authors into the old Roman. In fact, when I left school, I could have spoken or written Latin as fluently as English. His advanced pupils in their conversation with each other, whether in school or out of school, generally spoke in Latin’ (O’Donoghue 1896: 91; Murtagh 1997: 62).

Is dóigh gur féidir Brian Mhac Cionnaoith a áireamh ina measc.

<sup>1339</sup> Chóipeáil Denis Carolan Rushe sleachta as *Daonáireamh na hÉireann*, 1821, agus tá na hiontrálacha le haghaidh an Ath. John Keenan (34 bliana, baile Dhún Dealgan), agus beirt daltaí sa teach leis, i measc a chuid páipéar, ach ní dhéantar tagairt do Bhrian Mhac Cionnaoith. Gheofar na sleachta seo in McMahon (1991).

<sup>1340</sup> Foilsíodh an fógra ar an *Drogheda Journal*, Eanáir 1817, ach baineadh an chóip de a tugadh thuas as Murtagh (1997: 62-3).

<sup>1341</sup> An t-údar clúiteach sin, William Carleton (1794-1869), a scríobh *Traits and Stories of the Irish Peasantry*. D’fhreastail sé ar an scoil i gCo. Mhuineacháin idir 1814 agus 1816, de réir a bheathaisnéise féin (O’Donoghue 1896: 78); tugtar an tagairt sin in Murtagh (1997: 61).

<sup>1342</sup> Tá an sliocht seo i gcló in O’Donoghue (1896: 181), Ó Mórdha (1963: 159), agus in Murtagh (1997: 64-5). Déantar tagairtí eile do Bhrian Mhac Cionnaoith a bheith ag cur faoi i nDún Dealgan in O’Donoghue (1896: 162, 170, 195-6), ach is beag eile atá le tacar astu faoi Bhrian ach gur deimhnitheach go raibh cónaí air i nDún Dealgan an uair sin.

bhliain 1823. Ní dócha gurbh é Brian an té a chláraigh le haghaidh bunchéime i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1823, mar a thuairimigh Ó Mórdha (1963: 159).<sup>1343</sup>

## 2.52. Daniell Mac Cloye (al. Fullerton),<sup>1344</sup> fl.1755

**ÓR 5.** ‘Eachtra agus Imtheachta Chloinne Uisneach’, ‘Ceasacht Inghine Guile’, cuid de ‘Iomarbhágh na bhFileadh’, dán le [Cathal Mag Ruaidhrí], búrdúin agus dánfhocail, laoi fiannaíochta, ‘Eachtra agus Imtheacht Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘Céilidhe Iosgaide Léithe’, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, tréanna, ‘Críocha Déanacha an Duine’. Loch gCaol,<sup>1345</sup> Baile Chorcaí, Aontroim 1755.

Tá cuid mhaith léaráidí spéisiúla sa lámhscríbhinn seo ar cnuasach de scéalta rómánsaíochta í, ach theip go glan orm teacht ar eolas beathaisnéise dá laghad dá shuaraí i dtaobh an scríobhaí. Is doiligh smaoineamh ar lámhscríbhinn ar bith eile a grafadh i gCo. Aontroma san 18ú hAois, agus formhór díobh siúd a grafadh ann sa 19ú hAois, ba i mBéal Feirste a scríobhadh iad. Ciallaíonn sé sin go bhfuil luach ar leith ag an lámhscríbhinn neamhghnách seo. Luaigh Mhac an tSaoi (1946: xi) go bhfuil cúpla colafon gearr Laidine sa lámhscríbhinn a thaispeánann nárbh aon

<sup>1343</sup> Luaigh Ó Mórdha (1963: 159 n.16) go mbeadh orainn glacadh leis an aois a cuireadh síos dó mar dhearmad; tugtar faoi deara gur chláraigh sé sa bhliain ar fhág an tAth. Keenan an scoil ina dhiaidh. Dúnadh an scoil thart ar mhí na Bealtaine 1823; féach an tagairt a dhéantar do chorn a tugadh don sagart mar bhronntanas scartha, agus an dáta sin air, in Murtagh (1997: 67).

<sup>1344</sup> Maidir le sloinne an scríobhaí spéisiúil seo, féach an nóta a chuir T. F. O’Rahilly leis an eagrán den scéal ‘Céilidhe Iosgaide Léithe’ a d’ullmhaigh Máire Mhac an tSaoi,

Bédir nách miste focal nó dhó do rá annso i dtaobh graifneóra na ls. ina bhfuil an t-aon chóib amháin atá fanta againn de *Chéilidhe Iosgaide Léithe*. Sgríonn sé a ainm ar dhá chuma sa ls. sin. Uaireanta tugann sé *Donaldus* (nó *Daniell*) *Fullerton* air féin, agus uaireanta eile *Donaldus McCloy*. Níl a thuille eólais againn air; ach is follas as a chaint gur bh’Olltach é, agus is iontuigthe an ní céanna as a shluinne. Is i gCuntae Aontromha [*sic*] is líonmhaire *Fullertons* agus *MacCloys* i nÉirinn. Albanaigh iad do réir bhunús. I dtaobh *Fullerton* nó *Fullarton* isé deir Pádraig Mac Giolla-Domhnaigh: ‘These names in Ulster and the West of Scotland are the anglicised forms of McCloy and McLoy, ... in Gaelic *Mac Luaidh*’ ... Ionann *luadh* nó *luadhadh* i nGáilig na hAlban agus ‘úcadh (éadaigh)’, i.e. ‘fulling (cloth)’; sin é an chúis gur ceapadh ‘Fullerton’ as ‘Mac Loy’.

Tugtar sin in Mhac an tSaoi (1946: 84). Tháinig cóip eile, LBO Rawl. B477 (25), den scéal chun solais ina dhiaidh sin, áfach; féach Draak (1946: 12 n.5) agus Ó Cuív (2001: 105-10).

<sup>1345</sup> Tugtar ‘Loughgéal’ mar log sa lámhscríbhinn.

scoláire foirfe sa teanga sin é Daniell, ach bhí sé in ann an Ghaeilge a scríobh go cumasach.

### 2.53. Proinsias Mac Conaill, fl.1723-4

[ffrancis Connell]

**SPD.** Giotáí de Theagasc Críostaí, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’, dán [le hEoghan Ó Dubhthaigh], nótaí ar dhéfhoghair agus ar thréfhoghair na Gaeilge. [Oirbhe, Ceanannas, An Mhí] 1722-4.<sup>1346</sup>

Ba in Oirbhe, gar do Ceanannas i gCo. na Mí, a bhí cónaí ar Phroinsias Mac Conaill, ar *yeoman* (.i. scológ) é, agus tugann sé féin le fios dúinn gur pósadh é ar an 17 Feabhra 172<sup>3</sup>/<sub>4</sub>.<sup>1347</sup> Bhreac Proinsias é féin dréachtaí de litreacha ar leathanaigh bhána i dtosach agus i gcúl na lámhscríbhinne, agus dhealródh sé gur dhuine muinteartha an Terence McConnell a scríobh nótaí i dtaobh póstaí agus breitheanna a tharla idir 1750 agus 1752 sa lámhscríbhinn.

---

<sup>1346</sup> Féach nóta 1347 i dtaobh an loig a thugtar idir lúibíní thuas. Tá na dátaí seo sa lámhscríbhinn: (1) ‘a’ seachtmhadh lae deag dó [ ] Februari .i. mile seacht g[c]eid agus trí bliadhain fíot[h]ad an ceathr...’ [= 17 Feabhra 172<sup>3</sup>/<sub>4</sub>]; (2) an méid seo i rúnscríobh: ‘22 d16 4f 8452[...] MDCC24’ [= 22 Samhain 1724]; (3) an bhliain ‘1722’ idir lúibíní os cionn (4) an nóta seo a leanas: ‘seachtuch la deag do míe Februari .i. mile seacht ceuid agus trí bliadhna fichet n[ó] an cearir’ [= 17 Feabhra 172<sup>3</sup>/<sub>4</sub>]; (5) an dáta céanna i ndiaidh cóip lochtach de ‘Tuireamh na hÉireann’: ‘Arna sgríobh le Prinsias Mac Connuill, fe<sup>ry</sup> 24, 1722. I was married y<sup>e</sup> 17<sup>th</sup> day of febr<sup>ry</sup> 172<sup>3</sup>/<sub>4</sub>. ffrancis Connell’; agus (6) an bhliain 1724 ar an leathanach deireanach. Scríobh Énrí Ó Muirgheasa, a chuir an téacs ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’ in eagar ón lámhscríbhinn seo in 1907 in *Seanfhocail Uladh*, gur breacadh an lámhscríbhinn idir 1714 agus 1750; féach an t-athchló ar an leabhar sin, Ó Muirgheasa (1976: 163). Ba dhearmad dó an dáta luath a thug sé agus dealraíonn sé gur bhain sé an dáta déanach as nótaí a scríobh duine eile, Terence M<sup>c</sup>Connell, i gcúl na lámhscríbhinne,

‘Terence Mc Connell is my n[ame] and for to write I think no shame. Dated this 17 of May [...]. Elizabeth marrjed May 2, 1750. Catherine Born on Thurs[day], Aprill 18<sup>th</sup>, 1751. Patt Born Wednesday, [...] 14<sup>th</sup>, 1752’.

<sup>1347</sup> Tá nóta beag doléite i lámh an scríobhaí ar fhorghuilleog sa lámhscríbhinn ‘[ ] Connell of Ervy in the parish of [ ] and County of Meath, yeoman’. Tá smál ar an gcuid den leathanach ar ar scríobhadh ainm an pharóiste agus ní raibh mé in ann meabhair a bhaint as nuair a scrúdaigh mé cóip mhionscannáin den lámhscríbhinn sa Leabharlann Náisiúnta (LN P.6980), ach measaim gur féidir ‘Ervy’ a cheangal leis an mbaile fearainn darb ainm sin i bparóiste Ceanannais. Maidir le dáta pósta an scríobhaí, féach nóta 1346 thuas.

## 2.54. Aodh Mac Conainn, fl.1762

**ARÉ 23I37 (422).** Formhór di. Dánta le Séamus Mac Cuarta. 1762.

Bhí lorg néata cumasach láimhe ag an scríobhaí seo. Tá a laghad sin botún sa lámhscríbhinn seo, ó thaobh na hortagrafaíochta, go bhféadfaí an scríobhaí seo a áireamh leis na scríobhaithe ab fhearr de chuid na tréimhse sin: má bhí eiseamláir cheart roimhe, bhí sé in ann í a chóipeáil go beacht ina chuid pheannaireachta maithe soléite. Bhí an lámhscríbhinn seo i seilbh Thoirdhealbhaigh Mhic Giolla Cheara [1] [? san 18ú hAois], agus rinne sé an dúch a athnuachan in áiteacha.<sup>1348</sup> Más fíor gur bhain Aodh Mac Conainn agus Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [1] leis an gcomharsanacht chéanna, is dóigh gurbh as tuaisceart Cho. Mhuineacháin d’Aodh. Chaith an lámhscríbhinn tréimhse i seilbh Miles Goodman<sup>1349</sup> i gceann de na bailte fearainn sa dúiche thart ar bhaile Mhuineacháin ar a dtugtar Corr na hUamha.

## 2.55. Labhrás Mhac Con Allaidh,<sup>1350</sup> fl.1762-7 [Laurence McNally]

**ARÉ 23K24 (59).** Formhór di. Dánta le Donnchadh [Mór] Ó Dálaigh, [Tomás Ó Bacacháin, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin], Tomás Ó Cléirigh, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Beatha Chaoimhghin’, ‘Ginealach Chaoimhghin’, ‘Lucht na Simléirí’, ‘Ortha Naomh Muire’, Aisling Sholaimh, ‘Tuireamh an Bháis’, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Psaltair Chaisil’, ‘An Dá

<sup>1348</sup> Deisíodh na leathanaigh i dtreo dheireadh an leabhair amháin. Tá giotaí beaga den scríbhneoireacht bhunaidh le feiceáil thall is abhus (féach, mar shampla, lch 28, l. 10, áit nár bhac an té a dheisigh an leabhar le focal cealaithe a athscríobh). Chuir Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [1] lgh 31-2 leis an lámhscríbhinn agus an nóta ‘A ccionn tubhairne ar peire cardaigh’ in imeall lch 18.

<sup>1349</sup> Féach a shíniú ar lch 22, ‘Miles Goodman of Cornehoe’.

<sup>1350</sup> Ceartaíonn Watson (1979: 189) a shloinne go *Mac an Fhailigh* (< *Mac an Fhailghigh*), ach féach nóta Uí Cheallaigh (1951: 39), a mholann an leagan *Mac Con Allaidh*: ‘As a surname Mac(A)Nally is widespread in Ulster. It has nothing to do with the Mayo name Mac an Fhailghigh. In the seventeenth century, in the North, it was found especially in two areas, (a) in Co. Antrim and Clann Aodha Buidhe, ... (b), in the north of Tír Eoghain ...’ Fágann sin nach éasca a bheith deimhnitheach de cé acu a bhí ar intinn ag Labhrás é féin, ach is éard a thuigfí as a chuid litrithe, diomaite de go dtugann sé *M(h)ac an Alladh* agus *M(h)ac a Nalla* dúinn, gur mar /L/ agus ní /L’/ a dhéanadh sé réalú ar an leachtach san eilimint deiridh.

Aoine D[h]éag Órdha’, [‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’], búrdúin agus dánfhocail, ‘Úrsgéal ar an Aithridhe’, ‘Iomann Phádraig Naomhtha’, ‘Faoistin Dhuine Éigin’, ‘Tiomna re Déanamh ria mBás’, urnaí. 1765.

**LB Add. 34119.** ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh’, laoithe fiannaíochta, ‘Comhairle Mhic Clámha’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Eachtra an Ghiolla Dheacair’, ‘Eachtra Iollainn Iolchrothaigh’, ‘Eachtra Mhacaoimh an Iolair’, ‘Beatha na Ban-Naoimhe Beannaithe .i. Anna, Máthair Mhuire Óigh’, ‘Oidhe Chloinne Lir’, dánta eagsúla (ceann acu le Séamus Mac Cuarta), sliocht as ‘Cath Lisín Uí Dhúnagáin’. Baile Géar, Ráth Tó, An Mhí 1765.

**COBÁC A22.** ‘An Scáthán Spioradálta’. Baile Géar, Ráth Tó, An Mhí 1767.

**COBÁC A23.** ‘An Síogaidhe Rómhánach’, dánta le Muiris mac Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt, Giolla Brighde Ó hEodhasa, agus eile, ‘Cáineadh Whaley’, ‘Síogaidhe Néill Mhic Dhomhnaill’, ‘Duan Uí Dhubhagáin’, giotáí as ‘Foras Feasa air Éirinn’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘An tSailm Aithridhe’, nótaí ar ‘Na Cúig Féilte Muire’, ‘Goid Fhinn agus Dhubháin’. 1763-4.

**ÓEG H23.** ‘Seanmóir na Páise’, ‘Merlino Maligno’, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’, dánta le [? Séamus Mac Cuarta], ‘Turas Locha Deirg’, ‘Laoidh Locha Deirg’, dánfhocal, tráchtas staire dar teideal ‘D’Aois na nAithreacha ó Ádhamh go Noe, agus Fad na hAimsire atá ó Ádhamh go Dilinn, agus Geinealach Noe go hÁdhamh’, laoi fiannaíochta, búrdúin agus dánfhocail. 1762-4.

Ba scríobhaí cumasach néata é Labhrás Mhac Con Allaidh, cé go bhfuil corrdhearmaid bheaga pinn ina chuid scríbhinní,<sup>1351</sup> agus go ndéanann sé neamart ó am go chéile den riail *leathan le leathan, caol le caol*. Bhí nós aige colafoin a scríobh i bhfoirm rann agus tá an chéad dá véarsa den sampla seo a leanas curtha i gcló cheana ag Flower:

A ríoghacht na hÉirionn cráobhach cúrrtha glas,  
a gCuige Laighionn na séad 's na stúadhfhéar deas,  
a gCundáe na Mídh na láoch *badh* crúaidh a gcath;  
Osgur is Goll, is Fionn mhac Cúbhaill *mhic* Airt.

A bhfairíge Ratódh mo dhóigh *badh* súairc an beacht—  
a mBaile Igéir móintais fódghlas míon na mbeach—  
do chuireas *gan* ghódh gach clódh san leabhar so thart  
chuim coimhead na n-órchist eólgach shúairc, is shean.

Na litreacha dubha so cuirfiom a ndán *beag* síos  
le méire fanna *nach* mairann *acht* spás *gan* bhrígh;  
chuim áonneach agabh do chluin[f]eadh no léighfeadh íad,  
go ccuireadh se *beannacht ar* anam an te do sgríobh.<sup>1352</sup>

Léiríonn na cinn eile an dúthracht chéanna sa scríobh. Tá Baile Géar le haithint leis an mbaile fearainn ar a dtugtar ‘Elgarstown’, i bparóiste Ráth Tó, Co. na Mí, agus is deimhin go raibh aithne ag Labhrás ar Bháitear Ó hEisleanáin (*q.v.*) ó Churrach Átha, Circiostún,<sup>1353</sup> scríobhaí Gaeilge eile a thugadh cuidiú dó scaití, an bheirt is mó a bhfuil toradh a saothar againn den ghlúin a lean de thiomsú lámhscríbhinní i ndiaidh Sheoin Mhic Sholaidh agus a luchta comhaimsire in oirthear Cho. na Mí. Is eol dúinn gur chuidigh Aindriú Dairdeís, scríobhaí Gaeilge eile, leis le LB Add. 34119 a scríobh in 1765, agus tá a shíniú ar lámhscríbhinn eile dá chuid a grafadh sa bhliain

<sup>1351</sup> Léirigh Harrison (1973-4: 192) go bhfuil cóip Labhráis Mhic Con Allaidh den téacs ‘Lucht na Simléirí’ truaillithe go mór; dhealródh sé, áfach, go raibh drochchóip roimhe agus é á scríobh.

<sup>1352</sup> LB Add. 34119, f. 143b. Tá an chéad dá véarsa i gcló cheana sa *B.M. Cat.*, ii, 375. Féach fosta an téacs *A cceól no 'n-imirt ni minic a bhí mo spéis*, LB Add. 34119, f. 84; tá cóip eile de in ARÉ 23079 (1388), ar cóipeáladh cuid di as lámhscríbhinní eile a scríobh Labhrás Mhac Con Allaidh, *R.I.A. Cat.*, 3582.

<sup>1353</sup> Féach nóta 3102. Tugtar ‘Crickstown’ air anois.



chéanna.<sup>1354</sup> Tá sínithe mhuintir Labhráis—nó daoine ar aon sloinne leis—Seon Mac an Alladh (John McNally), Joseph McNally, agus Laurence McNally eile, is féidir, le léamh ar chuid de na lámhscríbhinní, agus dealraíonn sé go raibh cuid acu ag cur fúthu i mBaile Átha Troim ag tús na 19ú hAoise.<sup>1355</sup> Lena leagan féin den phrós

<sup>1354</sup> LB Add. 34119, ag deireadh ‘Bás an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEasbáine’, ‘Beannacht ar anam an sgríbhneóra eadhón Labhrás Mhac Nalla, agus na dearmud Andriúgh Dárdéis agna bhfuil a chongnamh anso’, f. 99; ARÉ 23K24 (59), i lámh bheag nach lámh Labhráis í ag bun lch 169, ‘Andriú Dárdéis’. Cheapfaí ón gcéad tagairt go raibh lámh ag Aindriú—cibé duine é—sa lámhscríbhinn seo, ach theip orm agus ar Flower, dhealródh sé, aon mhalartú inspéise a aimsiú sa pheannaireacht, agus cibé cúnamh a thug Aindriú do Labhrás le cuid de LB Add. 34119 a chur le chéile, ní dócha go raibh aon pháirt sa scríobh féin aige. Thig linn glacadh leis gurbh é síniú Aindriú é féin atá scríofa isteach in ARÉ 23K24 (59), lch 169, agus má ba dhóigh le Kathleen Mulchrone, *R.I.A. Cat.*, 167, go bhfuil seo scríofa ‘in a hand resembling McNally’s’, ní dócha gur cheap sí go raibh sé freagrach as aon chuid den lámhscríbhinn féin a chur ar pháir, mar a fheicfead anois. Is fiú trácht ar phointe amháin eile anseo, díreach le fáil réidh leis an bhféidearthacht gur ghráf Aindriú Dairdéis cuid de ARÉ 23K24 (59): deirtear san *R.I.A. Cat.*, 167, go bhfuil malartuithe peannaireachta le sonrú i gcúpla áit—‘From p. 85 on the script changes, growing much smaller and closer, but not so as to suggest a change of scribe. The script of pp. 159-164 and 188b is that of the earlier portion of the MS. P. 187 shows both types of script. The writing on p. 189 sqq. is that of a different scribe (possibly Hardiman), ...’ Ach is dócha nár tugadh faoi deara nó go ndearnadh dearmad a lua go bhfuil sé deimhnitheach, beagnach, gur scríobh duine eile an seanmóir ar lch 171 ‘a cumadh ré Searlus Graham’. Fágadh lch 170 bán, ní a chiallaíonn gurb é an seanmóir seo an chéad rud eile sa lámhscríbhinn a thagann i ndiaidh ainm Aindriú Dairdéis. Ó thaobh na peannaireachta is fíor gur cosúla lámh an tseanmóra seo le síniú Aindriú Dairdéis i gcomórtas le lámh Labhráis, atá i bhfad níos cruinne agus dea-chumtha. Ar ndóigh, is suarach mar shampla de pheannaireacht duine dhá fhocal a ainm féin, ach fós tá difríochtaí beaga idir síniú Aindriú agus lámh an tseanmóra—féach cruth na ceannlitreach A i síniú Aindriú i gcomórtas leo siúd sa seanmóir, agus s ard scríobhaí an tseanmóra fosta. Ní gá brath ar dhifríochtaí i stíleanna peannaireachta, áfach. An té a cheap an seanmóir ar dtús, is dóigh go bhfuil sé le haithint leis an té—Charles Graham (1750-1824)—a bhí ina Mheitidisteach agus ina sheanmóirí taistil i ndeisceart Chúige Mumhan; féach go dtugtaí ‘The Apostle of Kerry’ air. Tá nóta gairid air in de Brún (2009: 6). Ní féidir, más ceart an aois a thugtar, gur tugadh an seanmóir seo roimh 1765, agus caithfidh sé, mar sin, gur cuireadh an t-ábhar leis an lámhscríbhinn i bhfad ina dhiaidh sin—ní dócha go mbeadh Labhrás, a scríobh cóipeanna de théacsanna Caitliceacha an Fhrith-Reifirméisín (féach COBÁC A22), sásta seanmóirí Meitidisteacha a ligean isteach ina chuid lámhscríbhinní, cibé rud é.

<sup>1355</sup> Scríobhadh i gcúpla áit, Ní Mhunghaile (2014: 114), srl., gur chaith Labhrás Mhac Con Allaidh roinnt blianta i mBaile Átha Troim, Co. na Mí, ach níl taifead ann a chruthódh sin; nó is féidir a áiteamh nár scríobhadh, go bhfios dúinn, aon cheann de na cúig lámhscríbhinn atá againn óna lámh ann, de réir an bheagáin eolais atá againn. Is éard ba chúis leis an tuairim seo, trí nóta dhéanacha in COBÁC A23, ceann acu ar a laghad arna ghráfadh ag duine ar aon sloinne leis an scríobhaí, John McNally, ‘John Mc Nally, Trim, 1809’, ‘Trim January 13t’, ‘Laurence Mc Nally, Trim’ (Dillon, Mooney & de Brún 1969: 47). Is dóigh gur duine muinteartha eile le Labhrás an duine sin, Laurence McNally. Ní i bpeannaireacht Labhráis atá an nóta deiridh, óir bhí lámh i bhfad ní ba lú ag Labhrás an scríobhaí agus Béarla á scríobh aige. Shínigh John McNally COBÁC A22 áit amháin i nGaeilge, ‘Soan Mc. Nallieth’, agus tá an t-ainm ‘Laurence Mc Nal[l](y)’ áit eile inti. Tá ábhar maith lena léiriú gur chaith an lámhscríbhinn seal, agus seal fada, b’fhéidir, i mBaile Átha Troim, agus i mBaile an Agairt, baile fearainn atá lasmuigh den bhaile sin, agus roinnt ama fós i gCo. na hIarmhí. Dhealródh sé gur dhuine muinteartha eile le Labhrás é Joseph McNally (*fl.c.* 1799-1811), a raibh COBÁC A22 agus LB Add. 34119 aige. Féach Dillon, Mooney & de Brún (1969: 45, 47), agus an *B.M. Cat.*, ii, 372. Bhí LB Add. 34119 i seilbh Joseph McNally am éigin tar éis na bliana 1798, *B.M. Cat.*, ii, 372. Shínigh scoláire Gaeilge eile CM L7(3), lch 40, agus in ainneoin a ndearnadh de dhíobháil ar an nóta, tá an méid seo inléite, ‘Lab<h>r<a>s Mac A<n>alladh, Day of July 17, 1823’. Is féidir gurb ionann é

‘Eachtra (*al.* Tóraidheacht) an Ghiolla Dheacair’ a ullmhú dá leabhar clúiteach *Silva Gadelica* (1892), níor cheadaigh Standish Hayes O’Grady ach an chóip de atá in LB Add. 34119, a bhí ina sheilbh an uair sin, in ainneoin go raibh cur amach aige ar chnuasaigh Acadamh Ríoga na hÉireann, Choláiste na Tríonóide, agus Leabharlann na Breataine, áit a raibh sé ag clárú lámhscríbhinní an uair sin.<sup>1356</sup> Ní beag an teist sin ar chumas an scríobhaí seo, má bhí O’Grady sparálach leis an moladh a thug sé don lámhscríbhinn, ‘a good MS. of its class’ (O’Grady 1892*a*: xii).

## 2.56. Eoghan Carrach Mac Conmhaoil,<sup>1357</sup> *fl.*1668

**CT H.4.31 (1372).** Formhór di. Ginealaigh, annála, rainn. Ucht Leacain, Ard Mhacha 1668.

Is ceann de na lámhscríbhinní is sine is féidir a cheangal le hOiriaila é an leabhar beag seo, agus is mó is ábhar spéise é, mar sin, go bhfuil blúire de sheanlámhscríbhinn [? de chuid na 16ú hAoise] ceangailte leis.<sup>1358</sup> Na ginealaigh a

---

agus an Laurence McNally a chuir a ainm le LBO Ir.e.4 (b) (16), lámhscríbhinn a ghráf Tomás Mhac Ceitearu ó Ghréach na Ruag, Co. Mhuineacháin, idir na blianta 1800 agus 1804.

<sup>1356</sup> Rinne O’Grady iarracht córas seanda litrithe a bhrú ar an téacs, agus is beag léargas a thugann sé ar ortagrafaíocht na lámhscríbhinne. Féach, mar léiriú air seo, an dá chóip de thús an scéil thíos; baineadh an chéad cheann as an lámhscríbhinn féin, agus an dara ceann ón leabhar clóbhualite:

Rígh úasal óirdheirc ro ghaibh flaitheas, 7 fórfhlaitheamhnus foir Éirionn feacht n-áil .i. Cormac mhac Airt mhic [ ] Céadchatha, 7 bhí Éire go rathm[h]ar ríaghalta, 7 go sona síthchánta, 7 go saighbhir samhaoineach le linn an tréanrígh sin; 7 níor bh’iongnamh a bheith amhlaidh sin, óir [fa, i láimh eile] bhruighaidh ar bhruigheachus agus fa file ar fhilidheacht, 7 fa rígh ar aghamlacht an Cormac sin, LB Add. 34119, f. 67.

Rí uasal oirderc ro ghaib flaithes ocus forflaithemnas for Eirinn fecht naill .i. Cormac mac Airt mac [Chuinn] chétchathaig . ocus do bí Éire co rathmar riagalta ocus co sona síthchánta ocus co saidbir somaoinech le linn in tréinrígh sin. ocus nír b’iongnad a beith amlaid sin . óir fa bhruigaid ar bhruigheachus ocus fa fhile ar fhilidecht ocus fa rí ar rígamhlacht in Cormac sin (O’Grady 1892: 257).

<sup>1357</sup> Maidir leis an leasainm seo, féach Toirdhealbhach Carrach Ó Conchubhair (*fl.c.*1640), CT H.5.9 (1381), lch 185. Gheofar cuntas gearr ar Eoghan Carrach Ó Siadhail agus ar na lámhscríbhinní a scríobh sé in Ó Cuív (2001: 89); tuilleadh eolais i gcatálog neamhfhoilsithe Ronald Black ar lámhscríbhinní Leabharlann Náisiúnta na hAlban. Bhí file darbh ainm Alasdair Carrach Mac Domhnaill ina bheatha sa 17ú hAois.

<sup>1358</sup> Níor bacadh le cuntas cruinn a thabhairt ar an lámhscríbhinn seo sa *T.C.D. Cat.*, 223, agus tá ord na leathanach curtha ina gceart chomh maith agus is féidir ó foilsíodh an cuntas sin. Féach na nótaí ar CT H.4.31 (1372) trí chéile in Ó Muraíle (2010: 142), áit a bhfaighfear eolas breise ar an ngiota meamraim.

thugtar sa lámhscríbhinn, is le Cúige Uladh agus le Cúige Laighean a bhaineann cuid mhór acu, agus tá cuid mhaith ábhar i gcoitinne ag lámhscríbhinn Eoghain Charraigh le lámhscríbhinn eile ón dúiche chéanna, más fíor d'Ó Ceallaigh (1951: 42),<sup>1359</sup> CT H.4.25 (1366), agus le cuid den ábhar a cóipeáladh mar chuid de thionscnamh<sup>1360</sup> Sheoin Mhic Sholaidh agus Risteaird Tuibear (*qq.v.*). Agus é ag trácht ar na cnuasaigh ginealach atá fós gan foilsiú, thagair Nollaig Ó Muraíle, eagarthóir *Leabhar Mór na nGenealach*, don ‘... interesting collection of genealogies found in the seventeenth-century Ulster manuscripts TCD H.4.25 and TCD H.4.31. Although touched on from time to time by Paul Walsh ..., the great bulk of the text has never been published’ (Ó Muraíle 2010: 135). Níl d’eolas againn ar Eoghan Carrach Mac Conmhaoil ach gur ghraf sé an lámhscríbhinn seo, nó cuid di, in Ucht Leacain, Co. Ard Mhacha, sa chéad leath den bhliain 1668, agus gur gheal leis a pháip.<sup>1361</sup>

## 2.57. Seorsa Mhac Conraoi, fl.1773

[George Kingson]

**COBÁC C8.** Blogh di.<sup>1362</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta. 1773.

Tugann an scríobhaí seo ‘Seorsa Mhac an Righdh’ air féin sa ghiota den lámhscríbhinn seo atá ina láimh féin. Tá an chuma air gurbh é Seorsa a chuir na duilleoga seo, sa bhliain 1773, leis an bpríomhchuid a grafadh, ar an bpeannaireacht, níos luaithe san aois chéanna. Shínigh Seorsa an phríomhchuid ar imeall leathanaigh fosta. Theip orm teacht ar aon eolas i dtaobh a áite dúchais, ach amháin go bhfuil

<sup>1359</sup> Pléitear an lámhscríbhinn seo mar chuid den chuntas ar Cho. Ard Mhacha i gCaib. 1.4.1.4.

<sup>1360</sup> ARÉ 23M4 (332) ach go háirithe, más fíor do Bhreathnach (1937). Scríobh Muiris Ó Gormáin formhór na mbloghanna sa lámhscríbhinn seo. Tá tuairisc i láimh Mhuiris Uí Ghormáin ar CT H.4.31 (1372) greamaithe de chlúdach na lámhscríbhinne féin.

<sup>1361</sup> CT H.4.31 (1372), ff. 16, 43v. Tá an nóta ar f. 16 i gcló i gCaib. 1.3, colafon 113.

<sup>1362</sup> Lgh 1-10. Scríobh sé a ainm, George Kingson, ar phríomhchuid na lámhscríbhinne, lch 150, fosta; agus tá nóta aige ar lch 151, ‘Bought of Joh<n ...> 27 Gallons Whiskey’. Féach lch 76 fosta.

cúpla cosúlacht idir an chóip de dhán Shéamuis Mhic Cuarta atá ina lámh sa ghiota seo, agus an ceann a scríobh Séamus Mac an Ultaigh (*q.v.*) in ARÉ 12E25 (908).

## 2.58. Toirdhealbhadh Mhac Con Rubha,<sup>1363</sup> *fl.*1732

CCM A.<sup>1364</sup> ‘An Bheatha Chrábhaidh’. 1732.

Ba dhóigh le Séamus P. Ó Mórdha gurbh as Co. an Chabháin (1958: 280; 1982: 47) don scríobhaí seo ar bhonn a shloinne; níl d’eolas againn air ach gur scoir sé de CCM A ar an 29 Deireadh Fómhair 1732. Gheofar síniú [? gaol], Margte McEnroe nó Peggy McEnroe (1733), i measc breacadaíola sa lámhscríbhinn. Bhí CCM A i seilbh Phádraig Uí Eithir (*q.v.*) ó Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin, in 1807 (Ó Mórdha 1958: 280).

**Mac Cormaic:** *féach* McCormick

## 2.59. John McCormick, *fl.*1787-1823

MN C73 (*e*). Cuid di.<sup>1365</sup> Dán ar an tobac. 1787.

Gheofar síniú an scríobhaí seo i lámhscríbhinn le Silbheastar Mhac Gibne (*q.v.*), Ceanannas.<sup>1366</sup> Thiocfadh sé sin leis an tuairim gur Mhíoch a bhí ann.

---

<sup>1363</sup> Tugann sé an litriú ‘Toirdhealbhadh Mhac an Rúdh’ sa lámhscríbhinn.

<sup>1364</sup> Bhí cuid mhaith de na duilleoga caillte faoin am a bhfuarthas an lámhscríbhinn seo i gColáiste Mhic Cairthinn i dtús na 20ú hAoise, agus deisíodh iad sa bhliain 1925 le grianghraif de leathanaigh as LB Eg. 121. Taobh amuigh de na grianghraif seo, tá an lámhscríbhinn i bpeannaireacht Thoirdealbhaigh Mhic Con Rubha.

<sup>1365</sup> Is doiligh a rá cá mhéad leathanach den lámhscríbhinn a ghráf John McCormick, ach tá lgh 6-7 ina lámh. Tá trí nó ceithre lámh le háireamh anseo, ach níl sé éasca iad a aithint óna chéile. Níor ghráf sé an rann le Philip Mac Brádaigh atá ar lch 7, mar a deirtear sa *M.N. Cat.*, v, 137.

<sup>1366</sup> COBÁC A40 (*b*), lch 124. Gheofar an dáta 1823 i lámh Shilbheastair Mhic Gibne, an scríobhaí, ar an taobh eile (lch 123) den leathanach seo. Luaitear ‘John McCormick’ i nóta fáin a chuir Séamus

**ARÉ 24L18 (b) (128).** Cuid di. ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’. 1734.<sup>1368</sup> Don Ath. *Feidhlimidh Ruadh Ó Néill*.<sup>1369</sup>

**COBÁC A18.**<sup>†1370</sup> Formhór di. ‘Smaointe Beatha Chríost’, dhá mhairgne, dán [leis an Ath. Cathal Mag Ruaidhrí].

**LPH 12052M.** Dánta cráifeacha, ‘An Scáthán Spioradálta’, ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’, ‘Beatha Mhuire’, seanmóir ar an bPáis, tráchtas ar an Aifreann agus ar aithrí an pheacaí. 1728. Do *Shéamus Ó Ceallacháin*.<sup>1371</sup>

**LPH 12065M(2).** Tráchtas ar na Trí Colla, ginealaigh, dán le [Séathrún] Céitinn. 1723. D’*Ardghal Mag Mathghamhna*.<sup>1372</sup>

---

Mac an Ultaigh le ARÉ 12E25 (908), lch 128, ach ní féidir an John McCormick seo a cheangal leis an scríobhaí.

<sup>1367</sup> Molann Ó Tuathail (1932a: 404) an leagan ‘Mac Comhdháin’.

<sup>1368</sup> Tugtar an dáta 1724 san *R.I.A. Cat.*, 376, agus leanann Mooney (1955: 79) sin i dtús áite, ach bhí athrú meoin tagtha air faoin am ar chuir sé cuid de na seanmóirí atá istigh leis an lámhscríbhinn sin i gcló, sa dóigh gur scríobh sé in Ó Maonaigh (1965: x) gur dhearmad sin don chláráitheoir. Glactar leis an dáta leasaithe seo in Ó Buachalla (2009: 144), agus diomaite de gur scríobh Ó Fiaich (1957: 264) tráth gur scríobhadh í sa bhliain 1724, caithfidh sé gur léigh sé ceartúchán éigin air sin, nó gur scrúdaigh sé an lámhscríbhinn, óir tá 1734 mar dháta aige in Ó Fiaich (1973: 147). Is in uimhreacha arabacha a scríobhadh an dáta, agus an chuma air gur scríobhadh ‘1724’ i dtús áite agus gur athraíodh é go ‘1734’. Tharla go bhfuil rian fliucháin ar bhun an leathanaigh, áit a bhfuil an colafon, is doiligh a bheith deimhnitheach de cá huair a ceartaíodh an dáta, nó ní éasca a bheith cinnte go bhfuil malartú dúigh i gceist.

<sup>1369</sup> Scríobhaí eile de chuid an cheantair; tugtar cuntas air i gCaib. 2.199 thíos. Ba as an gCreagán dó.

<sup>1370</sup> Is dóigh liom, diomaite dá bhfuil curtha i gcló i bhfoinsí difriúla (féach nótaí 2176, 2177), gur scríobh an tAth. Cormac Mac Cuan an t-iomlán seachas f. 1, agus an duilleog tar éis f. 96 ar sracadh a formhór chun siúil. Cuirim san áireamh anseo na dréachtaí a fuarthas i gclúdach an leabhair, agus a leagadh go dtí seo ar an Ath. Labhrás Ó Cathaláin (*q.v.*).

<sup>1371</sup> Níl a dhath ar bith ar fáil i dtaobh an duine seo, ach go raibh sé ina bheatha nuair a grafadh LPH 12052M dó sa bhliain 1728, agus gur dóigh gurbh eisean a scríobh an nóta sealbhóra Gaeilge ar lch 539 sa lámhscríbhinn. Is fiú a lua go bhfuil litir istigh leis an lámhscríbhinn ina ngabhann Charles Vallancey a bhuíochas le ——— O’Callaghan éigin as 39 Sr. na Mainistreach, Baile Átha Cliath, as tamall de chúpla lámhscríbhinn a thabhairt dó. Ar an 12 Márta 1808 a scríobhadh an litir ghairid sin; tugtar tuilleadh sonraí in Mac Lochlainn (1958: 230).

<sup>1372</sup> Níl aon eolas agam i dtaobh Ardghail Mhig Mhathghamhna (*fl.*1723), ach an méid atá intuigthe ón lámhscríbhinn—gur ghráf an tAth. Cormac Mac Cuan ó Cho. Ard Mhacha (mar a fheicfear ar ball) í dó sa bhliain 1723, lámhscríbhinn ina bhfuil glacán ginealach, agus ginealaigh mhuintir Mhathghamhna chun tosaigh iontu. Shínigh Ardghal an lámhscríbhinn áit amháin (f. 13), agus tharla sí i seilbh ‘Bryan McMahon of Drumlot’ (f. 11v) ina dhiaidh sin; is féidir gur duine muinteartha leis an bpátrún a bhí ann. Is féidir, anuas air sin, gurb ionann ‘Drumlot’ agus an baile fearainn ar a dtugtar Droim Lút, ‘Drumlod’, paróiste Achadh na Muileann, barúntacht Chríoch Mhúrn, Co. Mhuineacháin, agus ar a dtugtaí idir Dhroim Lút agus Lios Droma Lút san 18ú hAois. Tchítear foirmeacha dar críoch –*lotte* i seantaifid éagsúla.

**LPH 12095M(1).**<sup>†</sup> Dánta cráifeacha, dán le Tomás Déis.

Ní féidir teacht ar an lámhscríbhinn is luaithe dár scríobh an tAth. Cormac Mac Cuan a bhfuil tagairt ar fáil di: cóip de *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* a bhí inti, agus tharlódh sé gurbh é an cúram ba mhó a bhí ar Chormac cóipeanna lámhscríofa de théacsanna cráifeacha a sholáthar. Bhí an lámhscríbhinn chailte seo i seilbh Edward O'Reilly, agus taispeánann an chatalóg a d'ullmhaigh sé gur ghráf an tAth. Cormac í do William Gernon éigin sa bhliain 1720.<sup>1373</sup> Leis an gcóip de 'Trí Biorghaoithe an Bháis' a scríobh sé in 1734,<sup>1374</sup> cóip atá ceangailte le cuid de na seanmóirí a scríobh sagart anaithnid ó thuaisceart na tíre san 18ú hAois,<sup>1375</sup> is mó a shamhlaítear an tAth. Cormac ach scríobh sé cnuasach tábhachtach de théacsanna cráifeacha do Shéamus Ó Ceallacháin sa bhliain 1728.<sup>1376</sup> Ní dócha gur thug Ailfrid Mac Lochlainn a cheart don Ath. Cormac nuair a dúirt sé go raibh 'an ugly but very legible hand' aige (Mac Lochlainn 1958: 228). Thuigfí óna chuid peannaireachta praiticiúla gur scríobhaí oilte a bhí ann a dhéanadh an obair sclabhaíochta do phátrúin a raibh fonn orthu téacsanna cráifeacha a léamh, agus is dóigh gurbh eisean a ghráf COBÁC A18, lámhscríbhinn a bhí idir lámha ag sagart eile de chuid na Deoise, an tAth. Labhrás Ó Cathaláin (*q.v.*) nuair a bhí sé ina nóibhíseach d'Ord San

---

<sup>1373</sup> Tráchtar ar an lámhscríbhinn i gcatalóg O'Reilly, ARÉ 23H1 (1287); baintear an méid seo thíos as an gcóip di a scríobh Seán Ó Donnabháin in 1830, CT H.6.20 (1422),

'37. A Quarto Book. 320 pages besides 10 pages of prayers and Introduction of [*sic*] the beginning making in all 330 pages, the 40 pages of which are blank. This book is called in the Irish language [ ] or the 'Mirror of the Sacrament of Penance' ... The book was so much in esteem and the printed copies so hard to be procured that several persons had it transcribed. The present copy was made in 1720 by Cormac Mac Cuan for the use of William Gernon. Prefaced to this copy are some prayers not in the present original and subjoined to it are the following additions. The 'Mirror' ends at page 269.

1<sup>st</sup> The Seven Penitential Psalms, page 270.

2<sup>nd</sup> The 'Te Deum', page 277.

3<sup>rd</sup> The Athanasian Creed, page 278 to 280.

The remainder of the book is blank. It is well-bound and in fine order', CT H.6.20 (1422).

Dhealródh sé go raibh dul amú ar Ó Cuív (2001: xxx *n.*34) nuair a cheangail sé an lámhscríbhinn seo le LBO Ir.e.7 (19), mar sin.

<sup>1374</sup> ARÉ 24L18 (*b*) (128).

<sup>1375</sup> Na seanmóirí a leagtar ar an Ath. James Pülleine go minic. Féach Caib. 1.4.2.1, nóta 618 thuas.

<sup>1376</sup> LPH 12052M. Tá thart ar 562 leathanach sa lámhscríbhinn seo.

Proinsias. Ghraf Cormac lámhscríbhinn bheag de ghinealaigh Chlann

Mhathghamhna agus eile, ar a dtugtar LPH 12065M(2) faoi láthair, d' Ardghal Mag

Mathghamhna thart faoin 7 Eanáir 1723.<sup>1377</sup> Glactar leis go forleathan gurb ionann

an tAth. Cormac agus an sagart Caitliceach 'Cormick Cowan' a luaitear a bheith

lonnaithe i bparóiste Chill Shléibhe, i ndeisceart Cho. Ard Mhacha, sa *Report on the*

*State of Popery* a tiomsaíodh sa bhliain 1731;<sup>1378</sup> agus d'áitigh an tAth. Lorcán Ó

Muireadhaigh go raibh nasc éigin aige le *locus refugii* Dhún Geanainn, cé nach féidir

sin a dheimhniú.<sup>1379</sup> Téann sé ó thuairisc mar scríobhaí tar éis an 22 Deireadh

Fómhair 1734, ach d'aimsigh an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh breis agus ochtó

bliain ó shin tagairt dó a bheith ina shagart i bparóiste Bhaile an Mhaoir sa bhliain

1739.<sup>1380</sup> Ar an ábhar go raibh páipéir ar a ghar aige nach bhfuil againn na laethanta

---

<sup>1377</sup> LPH 12065M(2), f. 11v.

<sup>1378</sup> Litir a scríobh Jas. Hackett, Iúr Chinn Trá, an 27 Samhain 1731; féach Anon. (1912a: 15-6).

<sup>1379</sup> Féach an nóta in Ó Tuathail (1932a: 404): 'The scribe of part of MS. 24 L 18, R.I.A. signs himself Cormuc Mac Cuan, no doubt the "Cormac Cowan" mentioned in the Report on the State of Popery... He was a priest who lived in or near the parish of Killeavy, Co. Armagh'. Mar seo a thrácht Cainneach Ó Maonaigh ar an lámhscríbhinn: '[ARÉ 24L18 (128)] is a volume made up of what were originally two separate manuscripts. The first consists of a dozen sermons and some poems written apparently by the same scribe as [LPBF 43]. ... The scribe is not known, but the late Fr L. P. Murray considered that the Royal Irish Academy manuscript came from the place of refuge of the Dungannon friars at Donaghmore. The second part of it contains a copy of Keating's Tri biorghaoithe an bháis, which was written for Fr Felim O'Neill by Cormac Mac Cúán in 1724. ... Fr L. P. Murray has identified the scribe Cormac Mac Cúán with a Franciscan called Cormick Cowan from Loughgilly, Co. Armagh, but I do not know on what evidence, and I have so far failed to find any likely identification among the Franciscan records. There is, however, a reference to a priest called Cormac Cowan in the parish of Killeavy, Co. Armagh, in 1731. Unfortunately, Fr Murray sometimes neglected to give the authorities for his statements, so we are forced to accept them on blind faith or go to the trouble of re-investigating them for ourselves' (Mooney 1955: 79). Tugann Mooney (1955: 79 n.2) tagairt do Murray (1940: 16), agus do 'an unpublished note of his'. Ó tharla nach luaitear Loch gCoiligh ag Murray (1940: 16), dealraíonn sé go bhfuair Mooney (1955: 79) an t-eolas sin i dtaobh Loch gCoiligh san 'unpublished note'. Féach Ó Maonaigh (1965: xii), agus an cuntas a thugtar ar phátrún ARÉ 24L18 (b) (128) .i. an tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill i gCaib. 2.199 thíos. Mar seo a thagraíonn an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh dó áit eile, 'Others of whom we have record were Phelem Hanlon (1731), Hugh McConville (1743), Cormack and John Cowan (1731-50), Patrick Quinn (1750-60) and Arthur Magennis (1784)' (Murray 1934: 132; 1940: 16). Ní fios an dtagraíonn na blianta 1731-50 don Ath. Cormac Mac Cuan agus don Ath. John Cowan beirt. Do lámhscríbhinn na bliana 1724 a luann Mooney (1955), féach nóta 1368 thuas.

<sup>1380</sup> Tagraíonn Ó Fiaich (1954: 196) do chuntas a léigh sé ar '... a priest mentioned in documents of the years 1731 and 1739 as working in the neighbouring South Armagh parishes of Killeavy and Ballymoyer respectively ...', ach is aisteach an rud é go dtuigfí as a ndeir sé in alt a scríobhadh cúpla bliain ina dhiaidh sin gur féidir go bhfaca sé féin an tagairt sin i dtéacs Gaeilge, 'He is surely identical with the priest Cormac Cowan who appears under this name in Killeavy in 1731 and, as Cormac Mac Cuan, appears as P.P. of Ballymoyer in 1739' (Ó Fiaich & H. 1959: 458). Agus é ag déanamh plé ar Mhuintir an Fheadha (Ó Néill) blianta ina dhiaidh sin, deir sé, 'The scribe was presumably the priest

seo, is féidir glacadh leis sin; ní fios cá huair a fuair an tAth. Cormac Mac Cuan bás, nó cár adhlacadh é.

## 2.61. Tomás Mac Cuinneagáin, fl.1792

**COFLA D1 (b).** ‘Faghail Craoibhe Chormaic’, laoithe fiannaíochta, dánta le Séamus Mac Cuarta. 1792.<sup>1381</sup>

Áiríonn Ní Uallacháin (2003: 435 *n.1*) an scríobhaí seo ina measc siúd a bhí ag cóipeáil ábhair i nDún gCuaile, ach chuaigh díom sin a dhearbhu. Rinne léitheoir éigin dochar mór do na colafoin in COFLA D1, trína gcuimilt agus dúch a chur orthu, sa dóigh nach féidir ainm an scríobhaí ná an dáta scríofa a léamh cuid mhaith den am. Thit an crann céanna ar COFLA D1 (a), ar scríobh ——— Ó Marcaigh (*q.v.*) í sa bhliain 1777, agus ar chuid mhaith seanleabhar eile a scríobhadh ar an teorainn idir Co. Lú agus Co. Ard Mhacha.<sup>1382</sup>

## 2.62. Aodh Mac Domhnaill [1], fl.1714

[Hugh McDonell]

**ARÉ 23K5 (57).** ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, dánfhocail, litir chuig mac Dhomhnaill Ghoirm Mhig Lochlainn. Do *Thomás Ó Luinigh* (*Thomas Lenin*).<sup>1383</sup> 1714.

---

of this name who served in the parish of Loughgilly, ...’ (Ó Fiaich 1974: 304). An gciallaíonn sin, ar bhonn na litrithe éagsúla, gurbh i dtéacs Gaeilge a fuair an Caird. Ó Fiaich an nóta sin? Cuimhnítear air go bhfuair an Caird. Ó Fiaich cuid mhaith de pháipéir Uí Mhuireadhaigh, mar aon lena chuid lámhscríbhinní. An raibh Ó Fiaich & H. (1959) ag tarraingt ar pháipéir Uí Mhuireadhaigh amháin i dtaobh thagairtí na mblianta 1731 agus 1739 (féach nóta 1379 thuas)? Is dóigh liom é.

<sup>1381</sup> Deir Ní Uallacháin (2003: 435 *n.1*) go mbaineadh sé le Dún gCuaile, Co. Lú, toisc go bhfuil an lámhscríbhinn seo thuas ceangailte le lámhscríbhinn eile de chuid na dúiche sin, is dócha. Maidir leis an dáta, is fiú a lua go ndearna Ó Tuathail (1951: 7) léamh eile ar fad air, ‘Sé “Tomas Mac Cunnagan” (sic) a sgríobh an darna roinn nó cuid dí i mbliadhain a 1783. (Níl an treas uimhir ró-shoiléir)’.

<sup>1382</sup> Féach nóta 3324.

<sup>1383</sup> Níl aon eolas ar fáil i dtaobh an phátrúin seo, ach an méid atá sa lámhscríbhinn: Tomás Ó Luinigh a bhí air i nGaeilge, Thomas Lenin i mBéarla; bhí sé beo sa bhliain 1714, agus ag cleachtadh [? léamh]



Luaitear an log ‘Druimarath’ i gcorp na litreach Gaeilge atá istigh le ARÉ 23K5 (57), agus í i lámh Aodha é féin, litir a scríobhadh chuig mac Dhomhnaill Ghoirm Mhig Lochlainn, biocáire nó cléireach Protastúnach a bhí tar éis teacht isteach sa dúiche sin, nuair a measadh go raibh sé mar rún aige an creideamh a scaipeadh i measc an phobail. Cheangail Hyde (1899: xi) an áit seo le ‘Dromara’ i gCo. an Dúin, ach mheas Énrí Ó Muirgheasa (1936: 348) gur dóichí i bhfad go raibh ‘Drumrath’, Co. Thír Eoghain, i gceist ag an scríobhaí.<sup>1384</sup> Ní féidir a bheith cinnte gur cheap Aodh an litir, ar ndóigh, ach is soiléir gur mhothaigh sé go raibh tábhacht éigin léi. Is dóigh, mar sin, gur bhain sé leis an dúiche thart ar an bparóiste inar scríobhadh an litir. Ba thréitheach a chuid Béarla, mar is follas ón dara litir atá istigh leis an lámhscríbhinn, ní a scríobhadh chuig an bpátrún, Tomás Ó Luinigh, agus a thaispeánann nach raibh mórán taithí ag Tomás ar léamh lámhscríbhinní. Tagann go díreach roimh an litir an colafon seo,

Agus buid[h]eac[h]us do Dhia uillec[h]umhachtaigh go ttainnig liom a criochnadh ’níos 7 *beanocht* Día da *gach* Criostaigh leaghfuis i. Guidhe le hanam an tí sgríobh mur so féin í. Vale lecto. Finis. Aodh Mac Domhnaill do sgríobh ’beagan so.

Ag so leabhair Thomas Ui Luinigh *arna c[h]riochnadh seachtuadh la fithet do mhídh Iuli an b[h]liaghain d’Aoís an Tighearna .i. míle 7 seacht ccead 7 ceathra bliaghna déug. 1714 7c.<sup>n</sup> &c.*<sup>1385</sup>

Tabhair faoi deara go mbaineann sé úsáid as an ngnáthscript rómhánach, agus an nod coitianta, an dara huair a scríobhann sé *et cetera*, ionann is go raibh sé ag iarraidh a mhíniú dá phátrún goidé ba bhrí leis an gcéad cheann. Chomh maith leis sin, tá an chuid eile den lámhscríbhinn saor go leor ó noda agus ó ghiorrúcháin chasta. Tagann

---

na Gaeilge faoin am sin, mar a deirtear sa litir a scríobh Aodh Mac Domhnaill [1] chuige an 26 Iúil 1714, ARÉ 23K5 (57), lch 61.

<sup>1384</sup> Luaitear an log i litir a scríobhadh chuig mac le Domhnall Gorm Mag Lochlainn (*ob.c.*1711), ministéir Protastúnach a chónaíodh i gCo. Dhún na nGall. Cuireadh an litir, maille le mionchuntas uirthi, i gcló in Ó Muirgheasa (1934: 344-8). Phléigh Mhág Craith an litir fosta, agus creideann sé gur droch-chóip í den bhuntéacs (Mhág Craith 1980: 337). Is cosúil, áfach, gur bhain an scríobhaí leis an áit inar scríobhadh an litir féin, agus níor éirigh liom cóipeanna eile di a aimsiú.

<sup>1385</sup> ARÉ 23K5 (57), lch 60.

ina dhiaidh sin, ar an gcéad leathanach eile, litir a scríobh Aodh Mac Domhnaill [1] an lá roimhe sin, agus a chuir sé, dhealródh sé, chuig an bpátrún leis an lámhscríbhinn lena cuid lochtanna a mhíniú dó,

Jully the 26<sup>th</sup> day 1714

Now m<sup>f</sup> Lenin I have finished this History of Cod; Cead; 7 Michead for you and if you will make good vse of it [*bis*] you maÿ Diuert your self and practice both being a Noble and delectable historÿ to read of the seuerall adventures and Combats and battles which those Champions about Mentioned and their fellow Champions haue done w<sup>ch</sup> [*bis*] will intice you to have great delight therein and the oft you Read the same you will find it allwayes the more pleasante. I praÿ be soe kinde as to Excuse the writer of it who had no time to write it but onely a rough draught for the which I hope all those that makes vse of it will be pleased to do also and therefore I Conclude yo<sup>r</sup> wellwisher Hugh m<sup>c</sup> Donell.

Flaitheas mór *air* mhúirn bhig . beatha tshioraigh *ar* talamh gháirid tréigion Dia is dimbhuainn an dail . is baoghlach dhaimhibh fo dheirigh.<sup>1386</sup>

Is féidir gurb ionann an tAodh seo againne agus an té a shínigh leathanach dramhpháipéir a úsáideadh le LEM Z4.5.6 a cheangal.<sup>1387</sup>

## 2.63. Aodh Mhac Domhnaill [2],<sup>1388</sup> ob.1867

[Hugh McDonnell]

**ARÉ 23059 (b) (1368).** Aistriúchán Béarla ar ‘Imtheachta na

Tromdháimhe’.<sup>1389</sup> 1854. [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

<sup>1386</sup> ARÉ 23K5 (57), lch 61. Bhí teideal leis an litir ach ghearr an ceangaltóir chun siúil é. Tugtar an téacs anseo mar atá sé sa lámhscríbhinn le go bhféadfar a chumas Béarla a scríobh a mheas.

<sup>1387</sup> Féach nóta 1054 thuas.

<sup>1388</sup> Ní chuirim san áireamh anseo OB G17, atá i bpeannaireacht chrúbach Aodha, tharla nach bhfuil inti ach aiste Bhéarla ar bheatha Shéamuis Dhaill Mhic Cuarta. Cuireadh an bheatha seo i gcló in Kernan (1941-2a: 186-8), agus ó tharla go bhfuil trácht ar lámhscríbhinn eile de chuid Aodha—OB G16—san alt sin, is aisteach an ní é go ndeachaigh de an pheannaireacht a aithint i gcás OB G17. Priontáladh san alt céanna ‘Aisling an Dail Mhic Cuarta’ ó OB G16, agus cúpla nóta eile. Tabharfaidh an léitheoir faoi deara gur cinneadh anseo ar an litriú Aodh Mhac Domhnaill a úsáid, diomaite de gur nós é le roinnt blianta anuas gan an séimhiú a mharcáil ar an gcéad eilimint dá shloinne. Ach is é m’fhreagra air sin go bhfuil an leagan seo de réir an mhodha oibre a leag mé amach in Aguisín 4 agus de réir an litrithe ab fhearr le hAodh é féin, mar is follas ó chuid de na colafoin agus teidil a chuir sé ina chuid lámhscríbhinní, cé gur scríobh sé ‘Aodh Mac Domhnaill’ i gcúpla áit, m.sh. sa cholafon in OB G16. B’fhearr le hÉamonn Ó Tuathail (1925) an litriú ‘Aodh Mhac Domhnaill’. Tabhair faoi deara an ginealas i nóta 1399 thíos, agus na colafoin in Ó Buachalla (1962).

**CM L14.**<sup>†</sup> ‘Teagmhála Duibh Mhic Deaghla agus a Chloinne’.

**COFLA [B1].** Autograif, dánta le Muiris Ó Mocháin, Cathal Mag Ruaidhrí, Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Fiachra Mhac Bhrádaigh, Bonabhentura Ó hEodhasa, ‘Tuireamh Phádraig Fléimeann’, liostaí plandaí. 1852-6.

**COFLA MF13.** Dánta le Séamus Mac Cuarta, Pádraig Ó Pronntaigh, comhráite, cuid de luibhleabhrán, litir thiomanta agus *approbatio* de chuid *Annála na gCeithre Máistrí*, sleachta as *Annála na gCeithre Máistrí* agus annála eile, ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’, ‘Conspóid Dhonnchaidh Mhóir Uí Labhradha agus Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’, burdún. 1863.

**LPBF 14.** Cuid di.<sup>1390</sup> Dánta le Philip Ó Dubhghaill, Séamus Ó Deoraidhín, Bríd Óg Ní Néill, Seán Ó hÉigearthaigh, Anton Mór, autograif. Béal Feirste, Aontroim 1846.<sup>1391</sup> [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

**LPBF 15.** ‘Teagmhála Duibh mhic Deaghla agus a Chloinne’ (cuid de),<sup>1392</sup> ‘Beatha Chearbhaill Uí Dhálaigh’, dán le Muiris mac Dháibhí Dhuibh [Mhic Gearailt]. 1849. [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

**LPBF 16.\*** Autograif (dánta, ‘Haistí Hó Chathail Mhic an Deirg’, ‘Taibhreadh (*al.* Fáilte) Pheadair Uí Ghealacáin lena Eachtra agus a Ráfladh’), dánta le Peadar Ó Doirnín, Fiachra Mhac Bhrádaigh, Art Mac Cumhaigh, Toirdhealbhach Ruadh Mac Domhnaill, beannachtaí. [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

---

<sup>1389</sup> Áirítear ARÉ 23059 (*b*) mar lámhscríbhinn Ghaeilge ar an ábhar nár thiontaigh Aodh ach beagán de na dánta sa saothar, agus fágfar sa Ghaeilge iad i lár an phróis Bhéarla.

<sup>1390</sup> Féach na colafoin in Ó Buachalla (1962: 10-11), agus na nótaí in Ó Muirgheasa (1928: 265) agus Ó Buachalla (1968: 283), áit a ndeirtear gur scríobh Aodh a bhfuil ann ‘ó lch. 115 amach’.

<sup>1391</sup> Sonraítear an t-ionad scríofa in Ó Buachalla (1962: 12), ón gcolafon a thugtar ar lch 126, ach tá sé báite i lár an chuntais chatalóige. Cuireadh an colafon i gcló in Beckett (1987: 126).

<sup>1392</sup> An dá ‘scéal’ a thugtar sa chuntas catalóige ar LPBF 15, ‘Taisde ar Chath Gabhra’ agus ‘Eachtra Alartaigh mac Maoilfe ó Éiphte’, is é rud atá iontu an dá chaibidil deiridh de ‘Teagmhála Duibh mhic Deaghla agus a Chloinne’; féach Bruford (1969: 257). Féach nóta 1459, áit a ndéantar plé gearr ar an mbaint a bhí ag Aodh Mhac Domhnaill [2] agus ag Brian Ó Searcaigh (*q.v.*) le seachadadh an scéil sin.

**LPBF 17.\*** Dánta le Tadhg Ó Tiománaigh, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Brian Dubh ———, Pól Ó Briain, Art Mhac Naois, autograif, ainmneacha pearsanta. [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

**LPBF 18.\*** Sloinnte, nótaí gramadaí agus abairtí Gaeilge agus Béarla. [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

**LPBF 19a.** ‘Tráchtas Fealsúnachta’ le hAodh Mhac Domhnaill.<sup>1393</sup> Béal Feirste, Aontroim 1853. [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

**OB G16.** *Mionscannán*. ‘Príméar na Gaeilge’ le hAodh Mhac Domhnaill, ainmneacha agus sloinnte, amhrán, autograf. Béal Feirste, Aontroim [c.1842. Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

Mar údar na ‘Fealsúnachta’ (1853) agus mar bhailitheoir agus ‘ollamh’ Roibeard Mhic Ádhaimh<sup>1394</sup> is mó a chuimhnítear ar Aodh Mhac Domhnaill [2] inniu agus, ó chuir Beckett an téacs sin i gcló sa bhliain 1967, tá cáil ar leith ar an gcóras guagach litrithe a d’úsáideadh sé fosta. Táthar ag cur spéis ann ó tosaíodh ar staidéar a dhéanamh ar bheatha Pheadair Uí Ghealacháin agus ar lámhscríbhinní Oirialla go luath san 20ú hAois. Ba é Laoide (1914: 117) an chéad duine a chuir scéal a bheatha le chéile, agus a thuairimigh gur Mhíoch a bhí ann, tuairim a bhfuil glacadh léi a bheag no a mhór as sin amach, agus tá údar maith léi. Cuireadh leis an méid sin in Ó Tuathail (1925: 108-10). Nuair a d’fhoilsigh Ó Muirgheasa (1928) ceann de dhánta Aodha, lean sé a raibh scríofa ag Laoide (1914) cheana faoina áit bhreithe, ach d’áitigh sé i nóta eile a scríobh sé ar an bhfile a foilsíodh mar aguisín in Ó

---

<sup>1393</sup> An lámhscríbhinn ar a dtugtar ‘Fealsúnacht Aodha Mhic Dhomhnaill’ ónar réitigh Beckett (1967) an saothar sin don phreas.

<sup>1394</sup> Ní hionann sin agus a rá gur bh é an cúram a chuir Roibeard Mac Ádhaimh air filíocht a chumadh dá mholadh, ach gur dóigh go ndíoladh sé aisti.

Muirgheasa (1934: 457) gurbh as Co. Thír Eoghain dó.<sup>1395</sup> Ba dhóigh le Mac Airt (1951), áfach, gur cheart do Laoide sa chéad áit. Cuid den amhras a bhain lena áit bhreithe, tá sé le léamh ar chuntas eile a scríobh Ó Mórdha (1957: 363), a raibh an chuid is mó den taighde seo léite aige, cé gur dhearbhaigh sé i gceartúchán air seo a priontáladh an bhliain ina dhiaidh sin in Ó Mórdha (1958c: 177)<sup>1396</sup> gurbh as Co. na Mí d’Aodh; agus dhealródh sé gur chuir foilsíú na leabhar tábhachtach, Beckett (1967) agus Ó Buachalla (1968: 113 n.9), deireadh leis an gceist seo. Foilsíodh Ua Brádaigh (1968) sa bhliain chéanna—leagan simplithe den ábhar eile. Soláthraíodh dhá bheathaisnéis chuimsitheacha eile in Beckett (1987; 1987a), dhá chuntas ghearra in Hughes (2006a: 76-8) agus in *Beath. 1782-1881*, 65 col. a – 66 col. b; agus nótaí ar an mbaint a bhí ag Aodh leis na cumainn bhíoblóireachta in de Brún (2009). Gheofar eagrán iomlán d’fhillíocht Aodha in Beckett (1987), áit a bhfuil dianiarracht déanta ag an eagarthóir iad a shuíomh ina n-ord cróineolaíoch; agus comhthéacsú ar an bhfillíocht sin in de Brún (2011; 2016). B’fhéidir gur leor sin mar léiriú ar a ndearnadh de thaighde ar an bhfile bisiúil seo, agus nach gá ach creatlach an scéil a thabhairt thíos. Mionfhile a bhí ann, agus tá fáil ar a chuid saothar i lámhscríbhinní dá dhéantús féin agus i gcóipeanna eile a scríobh cuid den ghréasán scríobhaithe a bhí fostaithe ag Roibeard Mac Ádhaimh, Peadar Ó Gealacáin ach go háirithe. Tá gach cosúlacht ar an scéal go réitíodh an bheirt acu, Peadar agus Aodh, go maith lena chéile, óir d’fhág Peadar mórán d’fhillíocht Aodha againn,<sup>1397</sup> agus chum Aodh aoir éadrom ar Pheadar Ó Gealacáin nuair a bheartaigh sé ar dhul go Béal Feirste le

<sup>1395</sup> Bhí an tuairim sin luaite aige cheana féin sa bhliain 1933 ina réamhrá le *Amhráin na Midhe* (Ó Muirgheasa 1933: 13; 2015: xlv), agus tá tagairt dhíreach déanta aige san áit sin dár scríobh sé in *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (Ó Muirgheasa 1934) mar mhíniú air sin. Dúirt sé, mar chuid den argóint in Ó Muirgheasa (1934: 457), gurbh as Co. Thír Eoghain d’Aodh Mac Domhnaill [1] (*q.v.*), agus go bhfuil dánta as an gcontae sin i lámhscríbhinní Aodha Mhic Dhomhnaill [2], ach is éasca sin a mhíniú; agus (2) gur féidir go raibh páirt ag Aodh Mhac Domhnaill [2] le hAodh Mac Domhnaill [1], ach tá sé geall le bheith dodhéanta teacht ar ghiota ar bith faisnéise a thabharfadh tacú dá laige don tuairim sin, gan trácht ar a cruthú.

<sup>1396</sup> ... I think we may take it that Mac Donnell was definitely a Meath man’ (Ó Mórdha 1958c: 177).

<sup>1397</sup> Agus cuid acu i lámhscríbhinn a ghraf sé dá úsáid féin, ARÉ 3B38 (251), go bhfios dom.

hábhár a scríobh dá bpátrún, ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin lena Eachtra agus a Ráfladh’.<sup>1398</sup>

Is ag deireadh na ‘Fealsúnachta’ sin a thugann Aodh an cuntas is fearr atá againn ar a mhuintir—an ginealas fada seo, Aodh Mhac Domhnaill eadhon file Ultach mac Shéamuis mhic Aodh’ Chríostaigh mhic Pádraig mhic Alasdrain mhic Raghnaill na gCapall mhic Shéamuis Mhóir Lughbhaidh mhic chSéain Bháin Lughbhaidh.<sup>1399</sup>

Más fíor go raibh baint ag cuid dá shinsir le Co. Lú, agus más dócha go raibh cónaí ar dhuine dá sheanathreacha ann (Ó Tuathail 1925: 109), meastar go forleathan gurbh í an áit ba threo d’Aodh teorainn íochtair Cho. na Mí, áit a dteagmhaíonn sí le Co. Lú—áit éigin i ngar do Dhroim Conrach, agus gurbh ann a saolaíodh é i bhfíorthús na 19ú hAoise, b’fhéidir.<sup>1400</sup> Níl de bhunús leis an tuairim seo dáiríre ach go raibh cónaí ar Aodh sa dúiche sin nuair a bhí sé corradh agus fiche bliain d’aois; agus is fiú cuimhneamh air go dtugadh Aodh ‘file Ultach’ air féin. Má tháinig Aodh ar an saol gar don teorainn idir Co. Lú agus Co. na Mí, réiteodh sé sin an deacracht

---

<sup>1398</sup> Tá aon chóip amháin den téacs i láimh Aodha againn, in LPBF 16, agus tá sí curtha in eagar ag Ó Tuathail (1925: 120-5), Ó Muirgheasa (1928), Beckett (1987: 84-8, 150-2), agus ag Dawson (1992: 40-4). Ní dhéanann éinne den triúr iarracht ar dháta a leagan ar an téacs ach is dóigh gur ceapadh c.1844 é. Féach an cuntas ar Pheadar Ó Gealacáin i gCaib. 2.171 thíos, nóta 2714 ach go mórmhór.

<sup>1399</sup> An ginealas mar a thugtar é in eagrán dioplomáideach Beckett (1987: 224), ‘Aodh Mhac Domhnaill eidhan file Olltach mac Sheamuis mhic Aodh C[h]riosduidh mhic Padruig mhic Alasdrain mhic Rannuill na cCapall mhic Sheamuis Mhóir Luaigh mhic Chain Bhainn Luaigh ...’, LPBF 19a, lch 121. Rinneadh ceartú thuas ar an bponcaíocht i gcúpla áit.

<sup>1400</sup> Tá glacadh leis an mbliain 1802 mar dháta breithe Aodha, ach is soiléir, dar liom, nach féidir iontaobh a bheith againn as an mbliain sin go beacht ar dhá ábhar. Ar an gcéad dul síos, bunaíodh an dáta sin ar an aois [gharbh] a tugadh ar theastas báis Hugh McDonald éigin a fuair bás i Muinchille i gCo. an Chabháin sa bhliain 1867, agus gan dóigh againn ar an teastas sin a cheangal le hAodh Mhac Domhnaill [2] é féin, de réir mar a thuigim an scéal. Ní mór an bac an drochlitriú McDonald anseo, is dócha. Dá nglacfaimis leis an teastas báis sin, fiú, ní dóigh liom go bhféadfaimis a áiteamh go bhfuil i gceist san aois sin ach tomhas garbh, agus go mbeadh orainn a admháil gur rugadh é *tuairim na bliana* 1802. Luíonn sé le céill gur rugadh bean Aodha—ar scáth dháta breithe a hiníne amháin—am éigin idir 1780 agus 1810, abraimís—agus ní bheadh drogall dá laghad orm glacadh leis na cáipéisí a sholáthair Beckett (1987: 11 n.14) a léiríonn gur rugadh Bridget Roe i bparóiste Bhaile Átha Fhirdhia sa bhliain 1802. Tá go maith, ach ní féidir a áiteamh go gcaithfidh sé go raibh Aodh ar comhaois léi. Thuairimigh Ó Tuathail (1925: 109) gur rugadh Aodh tuairim na bliana 1780, ach ní raibh i gceist ansin ach tuairimíocht ghlan; tharlódh sé gur chuir an tagairt úd in LPBF 31(1), lch 26, do ‘old Mac Donald 1831’ amú píosa é, óir creidtear anois gurb é athair Aodha, Séamus Mac Domhnaill, atá i gceist anseo—agus tá cuma na fírinne air seo. Cibé rud é, is dóigh nach é Aodh an old McDonald seo. Lena rá ar dhóigh eile, bheinn sásta glacadh leis gur rugadh Aodh c.1802 más é an fear a fuair bás i Muinchille ar an 30 Márta 1867, ach féach nótaí 1462, 1463 thíos.

seo, agus tá an sloinne Mac Domhnaill coitianta go leor sa dá chontae sin. Is fiú a lua ag an bpointe seo, áfach, go n-aistrítí go Béarla é ar bhealaí difriúla, McDonnell, McDonald, agus—ceann atá iontach coitianta i ndeisceart Cho. Lú sa chéad leath den 19ú hAois—McDaniel. Is faoin leagan deiridh seo a luaitear ainm Aodha i gcúpla taifead oifigiúil.

Shealbhaigh Aodh an Ghaeilge, thig linn a rá, i dtús a shaoil; agus deir sé linn i nóta a scríobhadh sa bhliain 1854 go bhfuair sé taithí éigin ar litríocht na teanga ar ghlúin a athar agus é ina ghasúr beag,

In that time the most noble poetry was cronan and down to this day there is some of them exest. I have ... two of them myself that Cronan na Muice Allta and Cronan na Bannu which I learned on my father's nee [*sic*] in the beganing of the 19 century.<sup>1401</sup>

Séamus Mac Domhnaill a bhí ar a athair, agus déanann Beckett (1967: 1) amach gurb ionann é agus an ‘old Mac Donald’ ar scríobh Roibeard Mac Ádhaimh ábhar síos óna bhéalaithris sa bhliain 1831. I leabhar comhrá a cheap Aodh, tá tagairt déanta aige do ‘Shéamas Ó Domhnaill a bhí ’na chomhnuidhe thuas ag Druim Ghuill...’<sup>1402</sup> Ní dóigh liom gurb é a athair a bhí á lua aige anseo: is doiligh taobhú leis an tuairim nach mbeadh sé ar chumas Aodha ainm a athar a litriú mar ba cheart, nuair is é Ao(i)dh M(h)ac Domhnaill an leagan dá ainm féin a thugann sé dúinn i dtólamh.

Is cosúil go raibh Aodh ag plé le cúrsaí Gaeilge faoin mbliain 1824. Ba dhuine den bheagán scríobhaithe é an Míoch Mícheál Ó Cléirigh (*q.v.*) ar éirigh leis ábhar a chur i gcló le linn a bheatha féin, agus, taobh le hábhar seachtrach eile, tugtar sa chéad saothar clóbhuailte dá chuid atá againn, *Man's Final End* (1824), liosta fada

---

<sup>1401</sup> ARÉ 23058 (*b*) (1367), lch 2; tá an sliocht i gcló san *R.I.A. Cat.*, 3515.

<sup>1402</sup> Tá an chuid seo i gcló in Ó Tuathail (1943-4a: 11).

síntiúsóirí. Is sa liosta fada seo a thugtar, is dóigh, an chéad tagairt chruinn atá againn d’Aodh Mhac Domhnaill [2], ‘H. M’Daniel’ ó Charraig Leice (Beckett 1987: 10).<sup>1403</sup> Ó tharla go luaitear ann ‘O. M’Daniel’ éigin ón áit chéanna sa liosta sin, is féidir go raibh páirt ag Aodh le Owen McDaniel (*ob.*1828), an máistir scoile de chuid an *Irish Society* a maraíodh le sléan i gCo. na Mí mar gheall ar an mbaint a bhí aige leis an gcumann sin. Bhí duine darbh ainm James M’Daniel fostaithe ag an gcumann céanna thart faoin am sin, ach ní fios dúinn an é athair Aodha é.

Tiomsaíodh *Tuarascáil* 1824 sa bhliain chéanna, agus diomaite de nach bhfuil tagairt don mháistir scoile seo, ‘H. M’Daniel’, ná duine ar bith eile darbh ainm sin, a bheith ag teagasc i gCo. na Mí ná sna contaetha atá ag críochantacht air, luaitear go raibh Hugh M’Donnell ag teagasc i gCraobh, Creamhchoill, Co. Aontroma, an uair sin, ach ní dóigh gur féidir eisean a cheangal leis an scríobhaí.<sup>1404</sup> Is ar an ábhar gur

---

<sup>1403</sup> Tugtar an tagairt sin in Beckett (1987: 10), agus de Brún (2009: 337).

<sup>1404</sup> Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh muid dul siar agus féachaint ar na taifid atá againn do na blianta sula ndeachaigh Aodh Mhac Domhnaill [2] go Béal Feirste ó bhonn. Tosáimis leis an eolas a thugann na lámhscríbhinní dúinn ar a bheatha, agus an méid atá le tuiscint as an méid d’fhillíocht Aodha a chuir Beckett (1987) i gcló, mar aon leis na sonraí a thugtar i litreacha a scríobhadh idir na blianta 1842 agus 1854. Tugann siad pictiúr measartha iomlán de shaol Aodha sular tháinig sé chun na cathrach. Lena gcur síos ar bhealach sothuigte: (1) bhí an-chur amach aige ar íochtar Cho. na Mí, agus tá a chosúlacht air gurbh ann a rugadh é; (2) ba mháistir scoile é a chaith seal le cuid de na cumainn bhíoblóireachta, an *Home Mission* is dóigh—féach na máistrí a luann sé sa dán ‘Príomhstair an Stócáin’ agus na nótaí in Beckett (1987: 162-3); (3) bhí an-aithne aige ar Pheadar Ó Gealacháin; (4) bhí bean agus iníon aige—pléifear an fhaisnéis atá againn ina dtaobh ar ball beag; (5) bhí cónaí ar Aodh i nDroim Ghaill sa bhliain 1827 nuair a phós sé a bhean, agus fuair sí bás ann ar an 14 Nollaig 1836; (6) bhí aithne curtha ag Aodh ar fhear céile a iníne faoin 19 Meán Fómhair 1840, Cathal Ó Cearbhalláin, agus bhí aithne ag Cathal ar Sheorsa Ó Mhachaire, agus aithne ag Aodh air fosta faoin am sin; (7) chaith Aodh na blianta idir 1842 agus 1854 ag obair do Roibeard Mac Ádhaimh. Is leis na hocht dtagairt atá againn do mháistrí scoile (bunús uilig) darbh ainm Hugh McDonnell (McDaniel, McDonald) a bhaineann na deacrachtaí go speisialta. Tugaimis iad ceann ar cheann i dtús áite,

- A. 1824. H. McDaniel, Carraig Leice, Inis Caoin, Co. na Mí, síntiúsóir le *Man’s Final End* (1824), mar aon le O. McDaniel, Carraig Leice.
- B. 1824. Hugh M’Donnell, máistir scoile sa Chraobh, Co. Aontroma, a bhí ag fáil díolaíochtaí ón *London Hibernian Society* agus ón *Kildare Place Society*, *Tuarascáil* 1824, 266-7.
- C. 1827. Hugh McDonnell a shínigh rúin Dhún an Rí ar an 5 Meán Fómhair 1827.
- D. 1833. An ——— McDonald a luaitear i leabhar miontuairiscí an *Irish Society*, an 5 Nollaig 1833, ach níl a fhios againn cérbh é.
- E. 1834. Hugh McDonald, máistir scoile a bhí ag teagasc i mBaile Monaidh, Co. Aontroma, de réir *Thuarascáil* 1834, 295a.
- F. 1836-7. Hugh McDonnell a bhí ag teagasc don *London Hibernian Society* agus ar tugadh a thuarastal dó trí lámha an Oir. F. Dobbs, ní a thugann le fios go raibh an máistir ag teagasc



chaith Aodh an chuid is mó den tréimhse idir c.1838 agus c.1854 sa chontae sin, is dóigh, a cheangail Ó Buachalla (1968: 113-14) agus Beckett (1967: 1; 1987: 10) an máistir seo leis an scríobhaí, ach tá de Brún (2009: 337) tar éis cur ina aghaidh sin go

---

gar do Bhun Abhann Dalla. Tosaíonn na taifid sa bhliain 1836 agus tá siad againn síos go dtí an bhliain 1843, ní a chiallaíonn nach bhfuil a fhios againn cá huair a thosaigh an máistir seo a obair don chumann.

- G.** 1839-1840. An Hugh McDonnell a fuair tuarastal bliantúil ón *Home Mission* i mí an Mheithimh 1839 agus i mí Iúil 1840. Is dóigh go dtuigfí as sin go raibh sé fostaithe acu ón dara leath den bhliain 1838 go dtí mí Iúil 1840. Pléitear scéal an *Home Mission* go maith in Ó Buachalla (1968: 104-13). Bunaíodh mar fhoróinn de chuid an *Irish Society* é sa bhliain 1836.
- H.** 1841. Hugh McDonnell a thug cuidiú, mar aon le cuid mhaith máistrí eile de chuid an *Home Mission*, do S. Ó. Mh. [= Seorsa Ó Mhachaire, George Field, duine de ghníomhairí an *Home Mission*] an saothar *Casan na Gaedhilge* (1841) a réiteach.

Chomh fada agus is eol dom, ba é de Brún (2009: 337 n.1) an chéad duine a chaith amhras ar an tuairim choiteann go dtagraíonn na hocht dtaifead uilig sin, nó a bhformhór mór, cibé rud é, d'Aodh Mhac Domhnaill [2], an scríobhaí Gaeilge. Ní ceist dúinn gurb é an duine céanna é Aodh an scríobhaí agus an cigire a bhí i bhfostú an *Irish Society* idir na blianta 1856 agus 1859. Agus é ag trácht ar **F**, deir de Brún (2009: 337 n.1),

This would fit in with his having left the north Meath area on the death of his wife ... But cf. Hugh McDonald teaching weekday school, rates 1s 6d per quarter, par. Ballymoney [Co. Antrim], in 1834 report, 295a. It is not known whether this is the same man as Hugh M'Donnell, Catholic, teaching school in connection with KPS and LHS in building of stone and lime, income £5 - £40 p.a., Cre[e]ve, par. Crawfield [Cranfield], Co. Antrim in 1824 report, 266-7, but the identification of the latter with ... [cigire na bliana 1856] ... is surely mistaken.

Is aisteach an ní é go dtagraíonn de Brún (2009: 337 n.1) go speisialta don chigire anseo, ach ba é an cuspóir a chuir sé roimhe, ar ndóigh, beathaisnéisí a sholáthar ar mháistrí an *Irish Society* agus na gcumann eile a bhí ceangailte leis, agus tá sé intuigthe ó na tagairtí eile atá déanta aige don chigire nár cheistigh sé gurbh é an scríobhaí é. Glacaim leis gurbh é an fáth nár cheap de Brún (2009) gurbh aon duine amháin iad Aodh an scríobhaí agus **B** go raibh a fhios aige go raibh Aodh an scríobhaí ina chónaí i gCo. na Mí sna blianta 1827 agus 1836, agus gurbh ann a rugadh é. Téann sé le dea-chéill, ar an ábhar sin, nach ndeachaigh Aodh go Co. Aontroma go dtí go bhfuair a bhean bás, agus gur dhuine (dhaoine) eile iad **B** agus **E**. Sin, nó bheadh orainn taobhú leis an tuairim go mbíodh Aodh ag taisteal idir an dá chontae go dtí c.1837. Ó cailleadh bean Aodha ar an 14 Nollaig 1836 agus ó adhlacadh lena muintir í, ní éasca Aodh an scríobhaí a cheangal le **F**. Níl go leor sonraí againn le tuairim a chaitheamh ar **D**. Ciallaíonn sé sin gur féidir gurbh aon duine amháin iad **A** agus **C**, agus, ó tharla go raibh cónaí air i gCarraig Leice, gur dóigh go raibh páirt aige le Owen McDaniel (*ob.*1828), an máistir scoile ó Charraig Leice a maraíodh mar gheall ar an mbaint a bhí aige leis na cumainn.

Níl sé inchreidte nárbh aon duine amháin iad **G** agus **H**, an máistir de chuid an *Home Mission* agus an scoláire Gaeilge a chaith seal ag obair i nGlinntí Aontroma, agus, ní eile, táim sásta gurb eisean an máistir ar thug an tAth. Luke Walsh faoi sa *Vindicator* idir na blianta 1842 agus 1843. Ar an ábhar go ndéalraíonn sé gur aistrigh an máistir seo go Béal Feirste thart faoin mbliain 1842, an uair a thosaigh Aodh Mhac Domhnaill [2] a ghráfadh lámhscríbhinní do Roibeard Mac Ádhaimh, sin agus go raibh Aodh ina bhall de na cumainn bhíoblóireachta, ní cheistítear gurbh é Aodh atá faoi thrácht in **GH**, agus, ar an ábhar sin, ní dhéanfaí iontas de dá mbeadh **EF** ag tagairt d'Aodh fosta. Tagann dáta agus ionad báis bhean Aodha salach ar **F**, mar a dúradh cheana, agus caithfidh sé gur beirt ar leith iad **EF** agus **GH** (= Aodh an scríobhaí). Níl, mar a áitíodh thuas, go leor ar eolas faoi **D** lena cheangal le **EF** ná **GH**. Ag cur na dtaifead eile san áireamh, is é is dóichí, ceapaim, go dtagraíonn **BEF** do dhuine amháin de na máistrí, agus **ACGH** d'Aodh Mhac Domhnaill [2].

Ciallaíonn sé sin nach raibh Aodh Mhac Domhnaill [2] ag múineadh scoile sa bhliain 1834, ach ná bhí páirt aige leis an Owen McDaniel a maraíodh sa bhliain 1828, is dóigh gur leor an chríoch a tháinig ar an bhfear sin mar mhíniú air sin.

tréan, agus údar maith aige. Níl aon fhaisnéis againn, áfach, gur thaitigh Aodh an contae sin sular cailleadh a bhean chéile, Bríd Nic Con Rubha (1802-1836).<sup>1405</sup>

Ba as paróiste Bhaile Átha Fhirdhia do Bhríd Nic Con Rubha, áit ar baisteadh í ar an 30 Iúil 1802.<sup>1406</sup> An páiste ab óige le James Roe (*ob.*1804) agus Catherine Lee (*ob.*1810) a bhí inti, agus bhí cónaí ar a muintir in ‘Ballibaley’ nuair a tháinig sí ar an saol. Ó tharla go bhfuil taifead againn go raibh cónaí ar Aodh i gCarraig Leice sa bhliain 1824, ní doiligh a dhéanamh amach goidé mar a chuir sé aithne ar Bhríd, nó Bidí, mar ab fhearr aithne uirthi. Tá taifead oifigiúil againn go raibh Aodh ag cur faoi in íochtar Dhroim Ghail, i bparóiste Loch Breacáin ar an 5 Feabhra 1827,<sup>1407</sup> an lá ar phós sé Bríd Nic Con Rubha ón ‘Bog of Ardee’ in Áth Fhirdhia. Baisteadh a n-iníon, Anne McDonnell (1826-1877), sa pharóiste céanna, agus tugtar Áth Fhirdhia mar ionad cónaithe an pháiste ar leabhar na mbaistí.<sup>1408</sup> Thugtaí Anna uirthi go coiteann. Ó tharla gur baisteadh Anne ar an iníon sin, agus go raibh Catherine ar mháthair Bhdí, is féidir, murab ainm cúl le cine é, gurbh in an t-ainm a bhí ar mháthair Aodha.

Ní féidir teacht ar thaifead ar bith a léiríonn cár shocraigh Aodh agus Bidí tar éis a bpósta, ach tchífidh muid ar ball go bhfuil leideanna againn go ndeachaigh sí chun

---

<sup>1405</sup> Féach na taifid a thugtar i nóta 1408.

<sup>1406</sup> Deirtear sa *Chlár Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, Baile Átha Fhirdhia*, 1802-26, gur baisteadh ‘Bridget Row’ ar an 30 Iúil 1802, iníon le ——— (*doléite*) Row agus Catty Lee ó ‘Ballibaley’.

Tugtar craobha coimhneasa an teaghlaigh in Beckett (1987: 11 *n.*14).

<sup>1407</sup> Tugtar an seoladh seo ar an teastas pósta; féach nóta 1408.

<sup>1408</sup> *Clár na mBaistí, Baile Átha Fhirdhia*, 1821-81:

‘24 [Feabhra 1826]. Anne McDaniel. Hugh [McDaniel] & Bety(?) Roe. Sps. Jno Roe & Bety(?) Dardis. Ardee’.

Tugtar ‘Bety’ [*sic*] (seachas ‘Bid[d]y’) sa chlárleabhar, dar liom, agus d’fhéadfadh sé gur dhearmad é sin don chlárítheoir. Scríobhtar an leasainm ‘Biddy’ i gceart, agus ‘Bety’ fosta, áiteacha eile sa láimh chéanna ar an leathanach céanna ach ní féidir liom teacht ar aon tagairt eile ar féidir í a cheangal le hiníon Aodha. An ‘Jno Roe’ a bhí ina charas Críost, cuimhnítear air go raibh deartháir ag Bríd Nic Con Rubha darbh ainm John Roe (Beckett 1987: 11 *n.*14). Cuireadh na sonraí ó *Chlár na bPóstaí* i gcló in Beckett (1967: 2; 1987: 11-2), gur phós ‘Hugh McDaniel of Lr. Drumgill, Drumconrath, Bridget Roe, Bog of Ardee’ ar an 5 Feabhra 1827; agus deirtear ar theastas pósta Anna go raibh sí 21 bhliain d’aois ar an 30 Lúnasa 1847 (féach nóta 2215 thíos). Nuair a cailleadh í sa bhliain 1877, tugadh 49 mbliana mar aois di ar an teastas báis (féach nóta 2221 thíos).

cónaí leis in íochtar Dhroim Ghaill,<sup>1409</sup> agus dealraíonn sé nach bhfuair Aodh íocaíocht ar bith ón *Irish Society* roimh mhí na Bealtaine 1827, an mhí a stopann na rollaí pá atá againn, ach chuir sé a ainm leis na rúin a síníodh an 5 Meán Fómhair 1827. Níl aon taifead i *Leabhar Deachúnaithe* Dhroim Ghaill (1830), ná tagairt i d*Tuarascáil* 1834 a thiocfadh linn a cheangal le hAodh.<sup>1410</sup> Cailleadh a bhean ar an 14 Nollaig 1836 in aois a 34 bliana, agus chum Peadar Ó Gealacháin, seanchara le hAodh agus athbhall den *Irish Society*, tuireamh uirthi i mBéarla agus i nGaeilge ina ndeirtear gur adhlacadh í lena tuismitheoirí i mBaile Púiste,<sup>1411</sup>

Ta a dearbhrathar bocht robhrónach, go cinnte báite 'ndólas,  
o chúaidh si Bidígh mhómhar chuigna gáoltaidh 'mhéadamh [a] ccré;  
fuigh líag a mBeala Púiste, tá 'gáid 's a mathair dúnta,  
's go bhfúasgalaidh Día don triúr sin, Lá 'n Bhreitheamhnuis Mhic Dé.<sup>1412</sup>

Is é an teideal a chuir Peadar Ó Gealacháin lena shaothar i lámhscríbhinn amháin dá chuid, DE Gen. 43D, 'An Elegy on the Death of Biddy Roe, wife of Hugh M'Daniell, Lower Drumgill near Drumcondra'; agus dhealródh sé go raibh náire éigin ar Pheadar a ainm a chur leis an bpíosa, nó deir sé leis an léitheoir: 'Gentle readers, excuse my composition'.<sup>1413</sup> Déantar tagairt sa dán don chumha a bhí ar mhuintir Dhroim Ghaill agus Ruascaigh ina diaidh, agus ós rud é nár rugadh i gceann ar bith

---

<sup>1409</sup> Ní luaitear Aodh sa *Leabhar Deachúnaithe* a cuireadh le chéile sa bhaile fearainn sin sa bhliain 1830 ach ní bheadh, ar ndóigh, trácht air mura raibh píosa talún aige.

<sup>1410</sup> Níl trácht ar mháistir scoile darb ainm Hugh McDonnell a bheith ag teagasc i gCo. na Mí i d*Tuarascáil* 1834; tá taifead ar mháistir scoile amháin darb ainm sin i mBaile Monaidh, Co. Aontroma, ach ní dóigh go bhfuil sé le ceangal le hAodh. Féach nóta 1404 thuas.

<sup>1411</sup> Tá cóipeanna den mhairgne agus aistriúchán Béarla i bpeannaireacht Pheadair Uí Ghealacháin in DE Gen. 43D, lgh 243-8, agus LN G1152, lgh 55-65. Deirtear sa dá lámhscríbhinn sin gur cailleadh í (1) ar an 'dara mídh don nGeimhreadh ... air an ceathramh lá déag', DE Gen. 43D, lch 244; (2) ar an 'dara mídh den nGeimhreadh ... air an ceathradh lá déag', LN G1152, lch 57, sa leagan Gaeilge; agus 'on the fourteenth of December' sa leagan Béarla, an 14 Nollaig 1836. D'fhág Beckett (1987: 12) an focal 'déag' amach as an dáta. Priontáladh cúpla véarsa as in Ó Buachalla (1968: 128) agus in Beckett (1987: 12); tá eagráin iomlána den leagan Gaeilge in Ó Tuathail (1950*b*) agus in Dawson (1992: 119-21; 2014: 142-4).

Is é 'Posseckstown', an t-ainm oifigiúil atá ar an áit ar a dtugann Peadar Ó Gealacháin 'Beala Puiste' ('a mBealápúiste', DE Gen. 43D, lch 244; 'a mBealá Púiste', LN G1152, lch 57) anois, ach is minice a úsáidtear leagan ar nós 'Ballapoosta' go háitiúil go fóill. Mo bhuíochas le Mark Louth as an eolas sin a thabhairt dom.

<sup>1412</sup> Mar atá an ceathrú rann in DE Gen. 43D, lch 244.

<sup>1413</sup> DE Gen. 43D, lch 245.

de na háiteacha sin í, is dóigh go bhfuil sé le léamh ar na línte seo go raibh Bidí tar éis seal a chaitheamh tar éis a pósta sna bailte fearainn seo. Díríonn rann ar leith ar chumha Aodha ina diaidh, agus ar iníon Aodha agus Bhidí, ‘Anna Bheag, a háonghein’.<sup>1414</sup>

Thuairimigh Beckett (1987a: 5) agus de Brún (2009: 337 n.1) gur fhág Aodh Droim Ghaill nuair a cailleadh a bhean chéile, agus gurb ionann eisean agus an té a fuair íocaíocht ón *London Hibernian Society* idir na blianta 1836 agus 1837. Caithfear cuimhneamh air nach bhfuair Bidí Nic Con Rubha bás go dtí na seachtainí deiridh den bhliain 1836, rud nach dtéann go rómhaith le taifid an *London Hibernian Society*. Fochumann de chuid an *Irish Society* ab ea é an *Home Mission*, agus is mar gheall ar na ‘scoileanna’ a d’oscail an cumann seo i nGlinntí Aontroma leis an mBíobla a mhúineadh is mó a chuimhnítear ar an *Home Mission* anois, sin agus an cogadh dearg a d’fhógair an Eaglais Chaitliceach air agus ar mháistrí na scoileanna sin. Tairgeadh post cigireachta d’Aodh leis an *Home Mission* am éigin i rith na bliana 1838, is dóigh, agus bhí sé fós i bhfostú an chumainn sin i mí Iúil 1840, nuair a tugadh díolaíocht dó as a chuid oibre (de Brún 2009: 337). Chaill sé a phost am éigin idir sin agus an 2 Lúnasa 1841, an lá ar scríobh sé litir i bparóiste Chill Eachtrann ina míníonn sé gur tharla sin mar gheall ar easaontas éigin idir é agus an tOir. Lisle. Ciallaíonn sé sin gur dóigh gur fhág sé na Glinntí am éigin idir mí Lúnasa 1841 agus mí Lúnasa 1842 (de Brún 2009: 336-7), nó scríobh sé i litir dar dáta an 13 Nollaig 1843 i dtaobh a chuid gníomhachtaí sna Glinntí gur chaith sé trí bliana mar chigireann.

Le linn d’Aodh a bheith ag obair sna Glinntí, chuir sé aithne ar Sheorsa Ó Mhachaire ó Shr. an Chaisleáin, Béal Feirste, gníomhaire ar son an *Home Mission* a bhí tar éis

---

<sup>1414</sup> DE Gen. 43D, lch 245.

an Ghaeilge a fhoghlaim, agus a bhí ag cur leabhar bunúsach dar teideal *Casan na Gaedhilge* (1841) le chéile faoin am sin. Tagraítear d’Aodh agus do thriúr máistrí eile de chuid na gcumann bíoblóireachta i mbrollach an tsaothair, a chuidigh le Seorsa é a réiteach agus a cheartú, Mícheál Ó Bhranagáin san áireamh; agus dhealródh sé go raibh scríobhaí Gaeilge eile ó Thuaisceart Laighean, Cathal Ó Cearbhalláin (*q.v.*) i dteagmháil le Seorsa thart faoin am céanna. Go gairid tar éis an 19 Meán Fómhair 1840, nó mar sin, scríobh Cathal Ó Cearbhalláin dán gearr mar fhreagra ar litir de chuid Sheorsa a léiríonn dúinn go raibh Aodh ag cuidiú leis faoin am sin, agus is féidir nár bheag an pháirt a bhí ag Aodh i dtiomsú an bhunleabhair, ar ndóigh. Seo an trácht a dhéantar ar an mbaint a bhí ann idir Aodh agus Seorsa i ndán Chathail, *Air an naoimhad[h] lá déag don Mí Fhabhra gan bhreig*,<sup>1415</sup>

Air an naoimhadh lá déag don mí Fhabhra gan bhreig,  
 scriobh chugamsa an deagh-oigfhear maiseach aluin,  
 ansa nGréig fúair a réim le fólogham as leighion,  
 a mBél Feirste anios ata a ionad cómhnuíghe. ...  
 Níl cnoc, tullaigh, ard, beinn, glean no ait,  
 nac[h] bhfuil anios aig fúaimnaigh le macalla an Bhiobla;  
 ’s an Ghaoighlic aig tabhairt búaidh, ’s a’ scabaigh gach úair,  
 ’s tusa an treanfhear úd go cinnte rompa.  
 Níl ceól, aisling, ran, brionglad no dán,  
 nach bhfuil a ccúimhne aig Aodh Mhac Dónaill;  
 do chúm Mac Cúairt an Dall, agus Duirneen gan féil,  
 mo bheannacht loibh go Longphort na Glóire. ...<sup>1416</sup>

Tá cuid mhaith ceisteanna conspóideacha fós le freagairt faoi scoileanna an *Home Mission*, mar a tchífeadh anois. Cibé rud é, tá Ó Buachalla (1963; 1968: 105-13) tar éis mórán eolais a chur ar fáil faoin tréimhse seo i saol Aodha, an ní a thug i dtreo Bhéal Feirste é sa deireadh thiar thall. Ba bheag idir cuspóirí agus modh oibre an *Irish Society* agus an *Home Mission*: bhunaigh an *Home Mission* scoileanna bíoblóireachta

<sup>1415</sup> Féach nótaí 2206, 2213, áit a dtugtar eolas faoi Sheorsa Ó Mhachaire (George Field) agus faoin dán.

<sup>1416</sup> OEG H66, lch 64. I bpeannaireacht Chathail Uí Cearbhalláin atá an méid sin.

i ndúichí ina raibh an Ghaeilge in úsáid, agus múineadh an Bíobla trí Ghaeilge iontu. D'fhostaigh siad máistrí a raibh Gaeilge acu, máistrí ar Chaitlicigh a bhformhór, agus cigirí le súil a choinneáil orthu. Murab ionann agus an *Irish Society*, dhírigh lucht stiúrtha an *Home Mission* ar chúpla dúiche i dtuaisceart na tíre go príomha: bhí na Glinntí i gCo. Aontroma ar cheann de na dúichí sin. Bhí amhras éigin faoi éifeacht na scoileanna seo ó cheistigh sagart Caitliceach áitiúil, an tAth. Fitzsimmons, i litir oscailte a scríobh sé chuig an *Vindicator* sa bhliain 1840, na figiúirí a bhí an *Home Mission* a chraobhscaoileadh ina gcuid tuairiscí. Ba sa bhliain 1842, áfach, a tógadh an raic nuair a áitíodh i dtuarascáil de chuid an *Home Mission* go raibh 25 scoil ar bun sna Glinntí agus tuairim is 700 dalta ag freastal orthu. Thug sagart paróiste Chúl Eachtrann, an tAth. Luke Walsh, air féin a léiriú nach raibh a leithéid de scoileanna ann sna Glinntí a thuilleadh. Mar shraith litreacha oscailte a priontáladh ar an *Vindicator* agus ar an *Banner of Ulster* a troideadh an cath seo, an tAth. Walsh ag séanadh go raibh na scoileanna ann, agus ministéir Preispitéireach, an tOir. Allen, ag cur in aghaidh a chuid argóintí. ‘Idir an mbeirt acu’, mar a scríobh Ó Buachalla (1968: 105), ‘bhí na múinteoirí is na cigirí—Caitlicigh a bhformhór—a bhí ar tuarastal ag an Home Mission’, argóint a d’fhág rogha an dá dhíog acu go fíor—dul in aghaidh chléirigh na hEaglaise lenar bhain siad, nó an fód a sheasamh i gcoinne a gcuid fostaitheoirí féin. Ba chigire de chuid an chumainn é Aodh, agus chuir an bheirt chléireach, an tAth. Walsh agus an tOir. Allen, cló ar litreacha ar áitigh siad gur scríobh Aodh iad, le tacú lena gcuid argóintí. Ní féidir a thaispeáint cé acu a scríobh Aodh ceann de na litreacha sa dóigh gur brionnúchán atá sa cheann eile, sin nó a scríobh Aodh an dá litir, ag tabhairt a n-uireasa don bheirt chléireach.

Ba é an tAth. Walsh a phriontáil an chéad litir de chuid Aodha ar an *Vindicator* an 3 Lúnasa 1842. Admháil ó pheann Aodha atá inti a théann go glan lena raibh ráite ag an Ath. Walsh go dtí sin,

I was obliged to make false reports of their schools to the Director as it was altogether falsehood from beginning to end as I thought the more we could take off them the better as St. Paul said he robbed other sects to establish his own.<sup>1417</sup>

Tháinig ina dhiaidh sin litir inar admhaigh cuid mhaith de na máistrí gur mar gheall ar a bhoichte a bhí siad a ghlac siad an t-airgead sa chéad áit, ach go dtabharfaidís an méid a fuair siad do bhochta an pharóiste. Cibé acu is litir fíre nó bhréige í seo, bhí a mhalairt ghlan de chaint i litir dar dáta an 11 Lúnasa 1842 a priontáladh faoi ainm Aodha fosta. Ba é an tOir. Allen a fuair an litir seo ar bhealach éigin, cé gurbh é an tAth. Walsh an seoltaí,

Rev. Luke Walsh, P.P., Culfeightrim.

Rev. Sir,

Having heard of different letters, said to have been written by me to you, on the subject of Irish schools, to those reports I gave no credit, until I saw in the *Vindicator* newspaper of the 3rd day of August one in which you have made me say words that answered your purpose to injure a good cause, and stigmatize my own character. I now, Sir, unhesitatingly disavow having ever written to you one line on this subject, or any other whatsoever.

Your humble servant,

Hugh McDonnell

Belfast, 11th August 1842.<sup>1418</sup>

---

<sup>1417</sup> Baineadh seo as Ó Buachalla (1968: 106).

<sup>1418</sup> As Ó Buachalla (1968: 107).

Chuir an tAth. Walsh dúshlán ar an Oir. Allen an litir sin a fhágáil in oifig an *Vindicator* le go mbeifí in ann an pheannaireacht a chur i gcomórtas leis an lámh a scríobh an chéad litir; d'fhógair an tAth. Walsh fosta go raibh sé tar éis an litir a bhí aige, an ceann inar shéan Aodh go raibh scoileanna sna Glinntí, a thaispeáint do chúpla duine a bhí mór le hAodh, agus gur aithin siad a chuid peannaireachta uirthi. Ar an ábhar sin, ní bheinn sásta a rá gur scríobh Aodh an dara litir seo, ach murar scríobh, is dóigh go bhfuil sé le léamh ar an áit scríofa a thugtar inti gur tuigeadh don té a cheap í go raibh Aodh i mBéal Feirste faoin 11 Lúnasa 1842. D'éirigh leis an Ath. Walsh greim a fháil ar rollaí na scoile, agus léirigh sé nach raibh iontu ach ainmneacha daoine nach raibh ann, agus ainmneacha pháistí na múinteoirí féin. Lean sé air ag bailiú litreacha agus eolais eile, go dtí gur éirigh leis litir amháin eile a fháil ó Aodh tamall maith ina dhiaidh sin a chuir deireadh leis an scéal.

Sa bhliain chéanna, ghráf Roibeard Mac Ádhaimh roinnt dánta a fuair sé ó bhéalaithris 'Hu [*sic*] McDonnell of Meath',<sup>1419</sup> ach ní fios dúinn go beacht cá huair a thosaigh Aodh a chuidiú leis dánta agus lámhscríbhinní a bhailiú. Cibé rud é, bhí Aodh ag obair do Roibeard Mac Ádhaimh faoi mhí na Nollag 1842, nuair a thug sé turas go dtí Fochaird a lorg lámhscríbhinní. Duine de na sealbhóirí lámhscríbhinní ar casadh Aodh leis an uair sin, Patrick McGeough ón Lorgain Chaoil, Fochaird, chuir sé litir inmíoch chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 18 Samhain 1843 faoi lámhscríbhinn a bhí sé i dteideal a fháil ar ais uaidh, agus tagraíonn sé go díreach do ghníomhaíochtaí Aodha inti, '... in the month of December last I was visited by a man of the name of Hugh McDonald who stated to me that he was by your ... direction collecting Irish manuscripts for the purpose of publishing them ...'<sup>1420</sup>

---

<sup>1419</sup> Féach LPBF 31[2], lch 161, 'Poems written down from Hu [*sic*] McDonnell of Meath, 1842'. Tá an nóta sin i gcló in Ó Tuathail (1925: 108) agus in Ó Buachalla (1962: 31).

<sup>1420</sup> LN G702(5); i gcló in Ó Mórdha (1958c: 170).



Faoin am a bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh an nóta seo, bhí Aodh tosaithe ar fhilíocht a cheapadh, agus ba sa mhí sin, más ceart do Roibeard Mac Ádhaimh, a chum Aodh an chéad dán dá chuid ar féidir dáta beacht a chur leis, ‘Loscadhfile Chúige Mumhan dá Chlann’ (Beckett 1987: 121).

Ó tharla go ndéanann cúpla dán eile de chuid Aodha plé ar eachtraí na bliana sin, m.sh. an ‘Fáilte’ a scríobh sé nuair a tháinig Domhnall Ó Conaill go Dún Dealgan i mí an Mheithimh 1843, is féidir gur chum Aodh dánta roimhe sin nach bhfuil againn. An méid acu a tháinig slán, baineann siad leis an tréimhse c.1843 – c.1851. Den triúr filí a bhí i bhfostú Roibeard Mhic Ádhaimh sa tréimhse seo, Art Mhac Bionaid, Peadar Ó Gealacháin, agus Aodh, ní dóigh gur mhíchruinn a rá gurbh é Aodh an file ba mhó dár thug Roibeard Mac Ádhaimh spreagadh, agus gurbh é an té ba mhó a thug aghaidh ar chúrsaí a linne féin ina chuid saothar. Na lámhscríbhinní atá againn uaidh—agus an fhilíocht fosta—ní féidir oiread agus briathar amháin díobh a cheangal leis na blianta sula ndeachaigh Aodh go Béal Feirste, agus má bhí sé ar son an Ghaeilge a léamh chomh fada siar le deireadh na 1820í, léiríonn an feabhas nach beag a tháinig ar a chuid peannaireachta ón am ar scríobh sé an *Príméar* c.1842-3, go dtí an bhliain 1846,<sup>1421</sup> gur féidir nach raibh mórán cleachtaidh déanta riamh aige ar an nGaeilge a scríobh faoin am a ndeachaigh sé a obair do Roibeard Mac Ádhaimh. Bhí easpa líofachta éigin ar a chuid peannaireachta riamh, ach is seacht measa an lámh chreathach a cheadaíodh sé nuair a bhí Béarla á scríobh aige.

An *Príméar* seo, nó an méid de a bhí in OB G16 sular cailleadh í, is cnuasach measartha simplí é de liostaí foclóra. Tosaíonn sé le cuntas ar na litreacha, liosta d’fhocail choitianta de réir aibítire, liostaí d’fhocail eile a dhéanann comhardadh lena chéile, mar a bheadh i réamhleabhar a scríobhadh do pháiste scoile, ‘slisog ... pisog ...

---

<sup>1421</sup> An bhliain ar chuir sé an chéad ghiota indátaithe eile uaidh, LPBF 14.

uisog ...'; cúpla frása coitianta, 'Is baile bot Sligach / Sligo is a poor town; / Is bra an baile an C[h]arrig / Carrick is a brave town'; ainmneacha baiste agus sloinnte; agus dán simplí, 'Domhnall na Gréine' ag an deireadh. Deir sé linn gur scríobh sé an *Príméar*, nó 'Prím(h)ar na Geilge ... le mead a ghra ar a thír dhuchis' i mBéal Feirste. Ceanglaíonn Ó Buachalla (1968: 282) é leis an leabhar frásaí atá in LPBF 18, ar chuir Ó Tuathail (1945-7) codanna de i gcló; agus dhealródh an ceart a bheith aige.<sup>1422</sup> Agus an chonspóid faoi scoileanna an *Home Mission* fós faoi lán seoil, chuir Aodh deireadh, faoi dheoidh, leis an scéal ar an 13 Nollaig 1843 i mBéal Feirste nuair a shínigh sé teastas i gcuideachta bheirt sagart,

Being employed by the Directors of the General Home Mission of the Presbyterian Church in Ireland as Inspector of Irish schools in the Glens of Antrim, I now come forward without fee or reward, or promise thereof ... to declare, that during the three years I continued in the office ... in order to satisfy my employers and hold my situation and gain money for the teachers I always gave false returns, as I knew it to be a habitual practice and the only means by which that system could be supported. Those false reports I gave to my superintendent, the Rev. Mr. Allen to be forwarded to the Directors ... I now assure them that the system of Irish teaching was, and is, carried on cunningly and fraud[ul]ently ... through Ulster, Leinster, Munster and Connaught ... This is the method gentlemen which is carried on ... to deceive you and draw the money out of your pockets. Perhaps you will say, then, the practice of defraud is totally unknown to the Superintendent, but I tell you in sincerity, that, on account of their own private interests they are freemasons together in this.

I am, gentlemen, your very humble and obedient servant,

Hugh McDonnell

Former Inspector of Irish Schools in the Glens of Antrim

Witness: Rev. Patrick Curoe, President of the Catholic Seminary Belfast.

Rev. George O'Pye, C.C., Belfast, 13th Dec., 1843.<sup>1423</sup>

---

<sup>1422</sup> Tá sleachta eile in Ó Buachalla (1968: 185-7), agus pléann Ó Buachalla (1968: 282) an fáth a leagann sé an dáta c.1842 ar an b*Príméar*. Níl aon amhras orm gur cheart sin dó nó nárbh fhada ón gceart é.

<sup>1423</sup> As Ó Buachalla (1968: 111-12).

Ná níor bhaol d’Aodh go mbeadh air filleadh ar an *Home Mission* faoin am seo. Bhí sé tar éis socrú i mBéal Feirste lena iníon Anna, glacaim leis; agus is dóigh gur thug sé turas eile a lorg lámhscríbhinní Gaeilge do Roibeard Mac Ádhaimh thart faoi mhí na Bealtaine 1844. Bhí aithne curtha ag Aodh faoin am seo ar dhuine eile i mBéal Feirste a raibh scríobh na Gaeilge aige ach ar éigean, Brian Mhac Guaicín (*fl.*1844-5).<sup>1424</sup> Dealraíonn sé go bhfuair Aodh iasacht £2 uaidh tríd an Loan Fund, agus gur fhág sé Brian san fhaopach nuair a d’imigh sé as an gcathair gan a bhille a ghlanadh. Ar an 8 Bealtaine 1844, scríobh Brian litir agus dán chuig pátrún Aodha, ag míniú an scéil dó,

Do choui mise a mbandh ar do shearbhfongantuíghe agus do imidh se as so agus do fhag se tri scilling agus fichichd gan dhil agus ni bhuil agam irgid na or agus a mur ndielther e anochd bei cain mhor ar agus cafer a’ t-umlan a dhiel gan spas. Ma dhielor naoi scillin anochd gla[c]fer dha scilling a sin suas sa tseachtmhuin dhe. Ta duil mhor agum na [= nach] legin tu cail [= caill] air bith air d[h]uine bhochd bh[f]uil muirin romhor aige. Muna d[t]ig Aodh air ais, glac thusa ma mhacsa agus oibuire se ’da c[h]airta chomh maith le Aoidh Mac Dhonuil, agus dila [= díolfaidh] mise dha scilling sa tseachtm[h]uin na go m[b]ei se ’lig dialta as t(h)uarasdal ma mhic, agus bei mise robhuiach dhuitse a c[h]oicha. Dhal [= Gheall] tu nuair amhain do Mhial a Bhrangan go d[t]oirfa obair dho ched am a bheudh ait agud dho. Ma ni tusa so dhena tu gar mor dod shearbhfonghantuíghe ro-uail,

Brian Mhac Gucian.<sup>1425</sup>

Tagraíonn an dán go speisialta do na turais a bhí déanta ag Aodh go dtí sin,

Hugh McDonnell went away,  
And nobody could make him stay, ...

<sup>1424</sup> Níl mórán ar eolas againn faoi Bhrian Mhac Guaicín (*fl.*1844-5) ach an méid a thugtar sa litir a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 8 Bealtaine 1844, LN G702(8): (1) go raibh cónaí air i mBéal Feirste sa bhliain 1844; (2) go raibh sé in ann Gaeilge a scríobh; agus (3) go raibh muirín mhór aige. Bhí aithne aige ar Aodh Mhac Domhnaill [2], agus ar Pheadar Ó Gealacáin fosta. Thaispeáin Ó Buachalla (1968: 129-30) gur priontáladh tomhas de chuid ‘Terrible Jack, Moynalty’ [= Peadar Ó Gealacáin], a seoladh chuig Mr. Barny M Guckyan, ar an *Belfast Almanack* sa bhliain 1845. Ba é ‘Bernard Tumalty’ réiteach an tomhais, agus dhealródh sé go raibh aithne ag Brian Mhac Guaicín ar chuid mhaith scoláirí Gaeilge. Ní fios dom ar scríobhaí é, agus ní áirítear mar scríobhaí sa tráchtas seo é.

<sup>1425</sup> LN G702(8). Tá an litir i gcló in Ó Buachalla (1968: 292), agus in eagar in Ó Buachalla (1968: 120-1).

And left three and twenty shillings to pay  
In the loan fund behind him. ...  
He has for you took many trips  
In search of Irish manuscripts,  
With hungry belly and dry lips;  
I often heard him say it—  
If anything would go astray,  
During the time he was away,  
That you'r[e] the boy would clear the way  
So now I hope you'll do so.<sup>1426</sup>

Tugann an nóta seo cúpla blúire eolais dúinn faoi mar a bhí Aodh ag teacht i dtír na laethanta sin. Sa chéad áit, is dóigh go dtuigfí ón dóigh a ngeallann Brian go n-oibreodh a mhac sa cheardcha chomh maith le hAodh go raibh post ag Aodh sa Soho Foundry féin faoin am sin, nuair nach raibh sé ag déanamh turas ar fud na tíre. Ní hé gur chléireach nó rúnaí príobháideach é fosta: ba ar urlár na monarchan a bhí sé ag sclábhaíocht leis, agus tá taifead scríofa againn air sin. Phós iníon Aodha trí bliana ina dhiaidh seo, agus ar an teastas pósta a shínigh sise i mBéal Feirste an 30 Lúnasa 1847, deirtear gur ‘labourer’ é Aodh. Ar an taobh eile den scéal, is dóigh go léifí ar an uaimhian a bhí ar Bhrian Mhac Guaicín post a fháil dá mhac sa cheardcha go raibh éileamh ar a leithéid, agus bhí sé mar bhuntáiste ag Aodh mar gheall ar an bpost sin go raibh ioncam leanúnach aige nuair nach raibh obair liteartha le déanamh aige do Roibeard Mac Ádhaimh. Ba cheart d’Ó Buachalla (1968: 120) go mbíodh cuid mhaith de na scoláirí seo, mar a deir sé, ‘ag baint na sál dá chéile’ le hobair a fháil, ach bhí cara maith dílis amháin ag Aodh a fhad is a bhí sé ag obair leis i mBéal Feirste: an té a cheap mairgne ar a bhean, Peadar Ó Gealacáin. Dealraíonn sé gurbh é Aodh a chuir Peadar in aithne do Roibeard Mac Ádhaimh am éigin roimh an 28 Márta 1844, agus nuair a thug Peadar a chéad turas ar Bhéal Feirste an bhliain

---

<sup>1426</sup> LN G702(8). Chloígh mé le leagan Uí Bhuachalla (1968: 121), ach gur athraigh mé an phoncaíocht beagán. Tuigeadh d’Ó Buachalla (1968: 120) go raibh Aodh ar lóistín i dteach Bhriain, ach ní gá gur fíor sin, más don chathair go ginearálta atá Brian ag tagairt nuair a deir sé gur imigh Aodh ‘as so’ le déanaí. Féach nóta 1424 thuas, áit a dtugtar beagán eolais faoi Bhrian Mhac Guaicín.

chéanna, chum Aodh aoir sciigiúil air, ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin lena Eachtra agus a Ráfladh’.

Níl aon tuairim cheart againn ar a mhinice a dhéanadh Aodh na turais bheaga seo ar fud an Tuaiscirt ar son a phátrúin, ach is dóigh go raibh sé i ndeisceart Cho. Ard Mhacha arís go gearr roimh an 29 Lúnasa 1844; nó thuigfí ó litir dar dáta sin a chuir Art Mhac Bionaid chuig Roibeard Mac Ádhaimh go raibh sé tar éis a bheith ag labhairt le hAodh le déanaí.<sup>1427</sup> Tá giotaí againn a chuir Brian Ó Searcaigh (*q.v.*) go Béal Feirste agus a scríobhadh idir an 14 Meán Fómhair 1844 agus an 7 Iúil 1845; chuir sé an-aithne ar Aodh thart faoin am seo, mar a thaispeánann nóta a scríobh Brian an 19 Bealtaine 1845, ina dtugann sé le fios go raibh sé ag súil leis go dtiocfadh Aodh ar cuairt chuige an mhí roimhe sin.<sup>1428</sup> Scríobh Nioclás Ó Cearnaigh, ar ndóigh, ar an 28 Aibreán 1845 i litir chuig Seán Ó Dálaigh go raibh beirt fhostaithe de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh ‘collecting Irish MSS. throughout the country’.<sup>1429</sup> Aodh Mhac Domhnaill [2] agus Peadar Ó Gealacáin, dar le hÓ Buachalla (1965: 143; 1968: 134).

Corradh agus trí seachtaine sular scríobhadh an litir seo, fuair duine mór le rá de chuid na cathrach, an Dr Séamus Mac Domhnaill (1763-1845) bás ar an 9 Aibreán 1845.<sup>1430</sup> An mhairgne a cheap Aodh air, ba í an t-aon saothar dá chuid a cuireadh i gcló le linn a bheatha féin. Ba é Roibeard Mac Ádhaimh a thug faoi deara a clóbhualte, agus roinn sé cóipeanna di ar chuid mhaith scoláirí eile. Cuid mhaith de

---

<sup>1427</sup> Litir ó Art Mhac Bionaid chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 29 Lúnasa 1844, LN G702(9), mír 1, ‘I presume Mr. Hugh Mac Donnell told you of the Irish Statutes Book that he had seen with me’. Tá an litir i gcló in Ó Mórdha (1957: 364).

<sup>1428</sup> LN G702(7), mír 2; Ó Mórdha (1958c: 173), Ó Buachalla (1968: 163). Mar seo a thráchtann Brian Ó Searcaigh air ina litir dar dáta an 19 Bealtaine 1845, ‘I thought Hugh McDonnell would come up here in April last but I see he did not, ...’

<sup>1429</sup> LN G389(76), litir ó Nioclás Ó Cearnaigh chuig Seán Ó Dálaigh, an 28 Aibreán 1845. Tá cuid di i gcló in Ó Buachalla (1965: 143).

<sup>1430</sup> Féach nóta 1674, áit a dtugtar tagairtí do chuntais ar a bheatha.

na figiúirí a thagann aníos áiteacha eile i bhfilíocht Aodha agus i litreacha Roibeard Mhic Ádhaimh, thug siad moladh as cuimse do shaothar Aodha. Mhol Pádraig Ó hUiginn, sáirsint ó Bhéal Átha Séanaidh, Co. Dhún na nGall, feabhas na teanga, ‘a really poetical production’,<sup>1431</sup> dar leis; agus feabhas an údair, ‘Mc Donnell is unquestionably very clever and has I think a superior talent ...’<sup>1432</sup> Ba é an scéal céanna i gcás John Windele agus Tomás Swanton, mar a léirigh Ó Buachalla (1968: 154). Diomaite de gur moladh mairgne Aodha go mór nuair a scaipeadh í i dtreo dheireadh na bliana 1845, is dóigh go mbeadh léitheoirí ár linne féin ar aon tuairim le Beckett (1987: 21) nach píos a iontach taitneamhach é—‘a most effusive elegy’ a bhí ann, dar le hÓ Neill (1966: 62); agus is féidir go ngéillfí do cháineadh Airt Mhic Bhionaid i dtaobh ró-úsáid na mbandéithe sa saothar: ‘Your author called upon Clio, the muse pre[si]ding over history. Instead of directing him she led him astray, if she attended to his call at all. Erato the music of love ... all these faculties and exercise was unbecoming in a lamentation or funeral song. ...’<sup>1433</sup> Tuigeadh do Beckett (1987: 147) gur féidir gur chuidigh Peadar Ó Gealacáin le Roibeard Mac Ádhaimh an saothar a réiteach don chló.

Luadh sa chuntas ar Art Mhac Bionaid thuas go raibh sé in eagnaíocht le hAodh thart faoin am ar priontáladh an mhairgne, seo toisc gur chuir Aodh dán chuige á ghríosadh le hábhar a sholáthar do Roibeard Mac Ádhaimh. Lean Art air ag maslú dhán Aodha i gcúpla litir, sa dóigh go bhfuair sé locht ar ábhar agus ar theanga an tsaothair, agus cé nach féidir a áiteamh go raibh dul amú air cuid mhaith den am, ba

---

<sup>1431</sup> LN G702(14), mír 1; litir a scríobh Pádraig Ó hUiginn chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 24 Meán Fómhair 1845. Tá sliocht aisti i gcló in Ó Buachalla (1968: 154). Thagair Pádraig Ó hUiginn don dán arís in LN G702(14), mír 3, litir a scríobh sé an 23 Nollaig 1845: ‘Where do you think did he find such beautiful Irish? It appears to me as if composed in the 14th or 15th century. McDonnell is unquestionably very clever and has I think a superior talent for Irish poetry. Keep him tightly at it, for I think you could write volumes from him for he will find matter at once for his composition—what a talent if cultivated at an earlier age!’

<sup>1432</sup> Féach nóta 1431 thuas.

<sup>1433</sup> LN G702(15), mír 6; Ó Mórdha (1957: 374). Litir dar dáta an 24 Feabhra 1846.

eisean ba mheasa a tháinig as, nó stop Roibeard Mac Ádhaimh ag freagairt a chuid litreacha ar feadh sé mhí.<sup>1434</sup> Nuair a scríobh sé freagra chuig Art ar an 10 Lúnasa 1846, á iarraidh air nótaí a chur chuige ar Mhuintir an Fheadha (Ó Néill), níorbh fhéidir le hArt an deis a chailliúint urchar eile a scaoileadh i dtreo Aodha,

You said you wished to know the anecdote of Toirdheabhach (sic.) úa Neill, mac Aodh Buidhe (I thought McDonnell knew all the passages in Irish history and Irish families)...<sup>1435</sup>

Níor sásaíodh Art go dtí gur chuir Aodh litir bhéasach chuige, ag tabhairt cuireadh dó teacht go Béal Feirste lena bhean chéile, ach d'oibrigh sé go maith ar Art. Is dóigh gurbh fhéarr a thuig Aodh nádúr Airt ná Roibeard Mac Ádhaimh, agus nuair a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh arís ar an 26 Nollaig 1846, chuir sé tuairisc a sheancharad, 'my old friend McDonnell'.<sup>1436</sup>

Ó tharla go bhfuil filíocht Aodha curtha i gcló cheana in Beckett (1987), áit a ndéantar plé maith ar ábhar agus ar aois na dtéacsanna, ní gá dul isteach sa cheist anseo, ach plé gairid a dhéanamh ar an eolas a thugann na dánta ar na scoláirí Gaeilge eile a raibh Aodh i dteagmháil leo a fhad is a bhí sé i mBéal Feirste. Dhealródh sé, óna chuid filíochta, go raibh sé mór le scoláirí Gaeilge eile de chuid na cathrach sin agus an Tuaiscirt trí chéile, agus is ábhar spéise an méid scoláirí ar chuir sé aithne orthu mar gheall ar na turais a thug sé ar son Roibeaird Mhic Ádhaimh—Aindrias Ó hÉigeartaigh ó na Gleanntacha, Co. Dhún na nGall, lena raibh iomarbhá aige faoi mheath na bpréataí; Brian Ó Searcaigh ó Ráth Bódaigh, Co. Lú, ar ar scríobh sé dán molta; Pádraig Ó hUiginn ó Bhéal Átha Séanaidh, Co. Dhún na nGall, ar chum sé 'díleagra' chuige; agus, ar ndóigh, a sheanchara ó Cho. na Mí, Peadar Ó

<sup>1434</sup> LN G702(15), mír 7; Ó Mórdha (1957: 374-5). Litir dar dáta an 6 Lúnasa 1846.

<sup>1435</sup> LN G702(15), mír 8; Ó Mórdha (1957: 375).

<sup>1436</sup> LN G702(15), mír 9; Ó Mórdha (1957: 376).

Gealacáin. Is féidir linn cuid mhaith de scoláirí Bhéal Feirste a chur leis an liosta sin, an Dr Somhairle Briosaín (1776-1853), ar ar chum sé amhrán toite agus dán eile faoina chumas mar lia; an Dr Séamus Mac Domhnaill (1763-1845) ar ar chum sé an mhairgne a luadh thuas; agus déantar trácht go rialta ina chuid dánta ar ghníomhaíochtaí Roibeaird Mhic Ádhaimh. Ná déanaimis dearmad ar Art Mhac Bionaid, an léirmheastóir a mheas go mbeadh sé ‘worse than common madness’ tabhairt faoi na laigí a bhí i ndán de chuid Aodha, ‘Agallamh idir Brádaigh an Spiadhóir agus an Bard Gaeilge’, scéal atá pléite againn cheana féin. Bhí Aodh ag bailiú amhráin Ghaeilge i nDún na nGall in 1846, mar ar chuir sé aithne ar Phádraig Ó hUiginn bliain nó dhó roimhe sin, agus chóipeáil Peadar Ó Gealacáin (*q.v.*) cuid den chnuasach sin sna 1850í. Toisc gur beag lámhscríbhinn Nua-Ghaeilge a tháinig slán ón taobh sin tíre, tá luach ar leith ag baint le cnuasaigh Aodha.

Pósadh Anna, iníon Aodha, ar an 30 Lúnasa 1847. Ba san Eaglais Photastúnach i mBéal Feirste a snaidhmeadh í agus Charles O’Carolan lena chéile, an máistir scoile úd Cathal Ó Cearbhalláin ba bhall den ghréasán scríobhaithe sin Bhéal Feirste, agus é ar comhaois le hAodh, beagnach. Chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach, ba leis an gcreideamh sin a tógadh cuid páistí Anna uilig, cé nach eol dom gur dhiúltaigh sí féin ná Aodh don chreideamh Caitliceach riamh. Is éard a léifí gan mhoill ar an tuireamh a cheap Aodh ar Dhomhnall Ó Conaill am éigin idir an 15 Bealtaine 1847 agus an 5 Lúnasa 1847 (Beckett 1987: 128) go raibh sé fós ina Chaitliceach, má thug sé fogha faoin Easpag Denvir i saothar eile a ceapadh thart faoin am céanna, ‘Ceol na mBacach’, as siocair gur thug sé a thoiliú do rún a rith Bord Sláinte Bhéal Feirste i mí Iúil 1847 go bhfostófaí *bang beggars* le lucht siúil na cathrach a ghabháil.



Bhí sé fós ag scríobh chuig Brian Ó Searcaigh tuairim is an bhliain 1848, nó bhí litir (gan dáta) a scríobh Aodh chuige thart faoin am sin istigh le lámhscríbhinní Ollscoil na Banríona lá den saol.<sup>1437</sup> Litir chomhbhróin a bhí inti a chuir Aodh chuig Brian faoi imeacht a iníne go Meiriceá,

A Bhrian chleibh,

is *mor* a ghell se orm a c[h]luistion a'n dadamh a theacht an do shligh a chuirfadh beairadh no barran air do inntin féin, no *air* inntin do mhuistioras, *acht* ta muinienn agam ais D(h)ia *gurbo air* an uair is farr don ngarrcheile í féin a d'f[h]ag si an t-iolan mífhortanach so, 7 ais a c[h]inn sin, sielan [= sílim, saoilim] *gur* le muintorios is dáff a thug an t-oganeach leis na cailinidh *mur* ngall air iad a bheith 'na mna cuman aige a dtior chogríche, oir ni s[h]ielam *gur* dhual do dohart do dheanadh *mur* nathar [= nár] chualus droc[h]ghniobh da luath le aon nduine de *an* trimh [= treibh] da dtanig sé uadh. *Mur* sin, cionidh bhur *gcroidhe*, oir bo mhaith an sgeal do fhurmhor muintior na hEire da ma fada a rachadh siad an tsligh cheadna, [a]s is *mur* d'irigh do mhoran diobh le seal garr. Mar sin, glacidh *uchtach* 7 cuiridh mhur muininn a nDia o is e ariabh nachar fhall [= nár fheall] fa e s[h]eirbhint do na deorighuibh a fuair 'a chraoidh ocadh féin teitheadh o na hulfc ata ag *tacht gach* lá air *Eirinn* bhocht mhi(t)amhar [= mhí-ámharach].

Bannacht leacht 7 b'[fh]eidir nach ttuceadh liomsa dol suas go d[t]i siore na Nollag o ta sin ionta prannach an so san am ata 'lathair.

Do s[h]erbanntidh go bas, A mhc. D.<sup>1438</sup>

Ar an taobh eile den duilleog, tá blúire eolais a ligeann dúinn tomhas a dhéanamh ar dháta na litreach—teastas a scríobh Aodh an 3 Bealtaine 1848 do chailín freastail, Bríd Ní Néill, a bhí fostaithe aige le dhá bhliain anuas an uair sin, agus í ag cur fúithi

---

<sup>1437</sup> Féach nóta 1439 thíos.

<sup>1438</sup> Litir ó Aodh Mhac Domhnaill [2] chuig Brian Ó Searcaigh, gan dáta, ach bhí dhá theistiméireacht i bpeannaireacht Aodha ar an ngiota páipéir ar a raibh an litir scríofa: (1) ceann a thug Aodh Mhac Domhnaill do Bhríd Ní Néill, an 3 Bealtaine 1848; agus (2) teistiméireacht ó Bhrian Ó Searcaigh (ach i bpeannaireacht Aodha) a tugadh do Phádraig Ó Tuathail, an 5 Samhain 1848. Tá an chóip thuas arna bunú ar eagrán dioplomáideach Beckett (1967: 291), ach (a) go ndearnadh an phoncaíocht a leasú, (b) go marcáiltear séimhithe atá in easnamh, srl., (c) gur scaoileadh an líneadach a luaitear in Beckett (1987: 291 n.2) mar [g]craoidhe, agus (d) go scaoiltear f móide n-stríoc mar féin. Dhealródh sé, dá bhrí sin, gur scríobhadh an litir tuairim na bliana 1848. Féach Beckett (1967: 291-3), a chuir na trí ghiota seo in eagar mar aguisín le *Fealsúnacht* Aodha.

ina theach.<sup>1439</sup> Ó tharla go ndeir Aodh sa teastas gur iompair sí í féin go maith ‘a measg mo theaghluidh’, is dóigh go raibh iníon Aodha, agus a fear céile, Cathal Ó Cearbhalláin, in aontíos le hAodh thart faoin am sin. Is doiligh a rá goidé mar a bhí sé ar chumas Aodha cailín freastail a choinneáil ar thuarastal saothraí monarchan, agus dhealródh sé go raibh Roibeard Mac Ádhaimh á chúiteamh go maith as cuid den obair a bhí á déanamh aige. Bhí Anna ina bean déanta gúnaí, de réir a teastais phósta, agus is eol dúinn go raibh Aodh ag teagasc na Gaeilge le hairgead breise a thuilleamh. Tugann eolaire de chuid na cathrach, *Henderson’s Belfast Directory*, eolas beacht dúinn i dtaobh ‘Hugh Mac Donald, teacher of the Irish Language’ a raibh cónaí air ag 88 Millfield, Béal Feirste, nuair a réitíodh eagráin na mblianta 1849, 1850 agus 1852 don chló.<sup>1440</sup>

Agus é ag scríobh chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 8 Iúil 1849, ba go séimh ceannsaí a chuir Art Mhac Bionaid tuairisc Aodha, ‘my brave old champion, Hugh Mc Donnell, whose kind friendship I’ll never forget’.<sup>1441</sup> Cheap Ó Buachalla (1968: 179) gur tháinig maolú ar líon na dturas a thug Aodh ar scoláirí eile an Tuaiscirt thart faoin am seo, ach níltear suite de cár scríobhadh ‘Teagbhála Duibh mhic Deaghla’, scéal rómánsaíochta ar scoir Aodh dá scríobh isteach in LPBF 15 ar an 3 Meán Fómhair 1849. Chuir Brian Ó Searcaigh giota den scéal chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 14 Meán Fómhair 1844, agus tá cuid d’aistriúchán Béarla a rinne Aodh taobh leis an leagan Gaeilge i lámhscríbhinn eile.<sup>1442</sup> Bhí sláinte Aodha ag meath air faoin mbliain 1849 tar éis dó ocht mbliana a chaitheamh ag obair i mBéal Feirste, agus i gcuid eile de na litreacha a scríobh Art Mhac Bionaid agus Peadar Ó

---

<sup>1439</sup> Féach nóta 1438.

<sup>1440</sup> Tugtar eolas i dtaobh na n-eolairí seo in Beckett (1967: 10-11; 1987: 16), agus in Ó Buachalla (1968: 185). Féach nóta 1451.

<sup>1441</sup> LN G702(18), mír 2. Art Mhac Bionaid chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 8 Iúil 1849. I gcló in Ó Mórdha (1957: 379), as ar baineadh an méid thuas; agus in Ó Buachalla (1968: 189-91).

<sup>1442</sup> CM L14.

Gealacháin chuig Roibeard Mac Ádhaimh idir an bhliain sin agus 1854, luann siad sláinte Aodha i gcúpla áit. Bhí litir gan dáta istigh leis na lámhscríbhinní in Ollscoil na Banríona ó Aodh go Roibeard Mac Ádhaimh ina luaitear babhta tinnis a bhí tar éis cúl a chur ar Aodh lena chuid oibre, cé go raibh sé ag leanúint go dílis de chóipeáil lámhscríbhinní, ag bogadh ón leaba dó go dtí an bord agus ar ais arís scaití,

A shaoidh,

Is mor a d'f[h]uiling me air an t[s]achtm[h]uin so úa phiantoidh cnam[h] agus casadach [= casachtach] acht numh [= inniu] ta me móran nies fearr agus ta dúil agam as Dia go mbeith me go maith ana lá no dhó. Niel me as airc da m[b]o f[h]eadir lucht [= leat] ni air bith a c[h]uir 'ugam. Ta me a' sgriobh com[h] dithialach is feadir liom acht amhain go gcatham luidh go minig. Do she[r]bhontidh umhal,

Aoidh Mhac Domhnaill.<sup>1443</sup>

I nóta beag eile a scríobh Art Mhac Bionaid an 19 Eanáir 1850, tugann sé le fios go raibh Aodh tar éis na cosa a thabhairt leis ó Bhéal Feirste le téarnamh a dhéanamh,

Tuilleadh eile—an file faobhrach focal-cheart a bhíodhis do shior a d'fochar ar nos na nuasal a nallod .i. Aod ua Domhnaill, gheall se sgríobhadh chugam iar dtiolladh a bhaile do ndiagh a ruag a cuartadh na slainte fa chrioslach na tiore. Chur se buarthadh mor orram chomh lag-neartach agus a bhi se anuar a sgar me leis, agus nior chualis focal uadh mur mbas no mur mbeatha o shoin anuas.<sup>1444</sup>

Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn an ndeachaigh Aodh go Co. Liatroma mar chuid den turas sin, óir tá leid mhaith againn, más ceart an tsuim a rinne Aodh, go raibh sé sa chontae sin ag bailiú ábhar dá mhórshaothar, an *Fhealsúnacht*, thart faoin mbliain 1849. Is é rud a lig do Beckett (1987: 236) sin a áiteamh, go ndéanann Aodh plé ar leac uaighe a chonaic sé i gCo. Liatroma ar a raibh gearrtha dearadh de

---

<sup>1443</sup> Bhí an litir seo istigh le LN G702 nuair a chuir Ó Buachalla (1968: 185) in eagar í, ach níl sí ann anois. Thug Ó Buachalla (1968: 292) an litir arís ag an dara tagairt seo mar a fuair sé sa lámhscríbhinn í. Is é rud atá sa leagan thuas, an chóip dhílis sin Uí Bhuachalla (1968: 292), ach gur chuir mé comaoin ar an bponcaíocht.

<sup>1444</sup> LN G702(19), mír 1. Art Mhac Bionaid chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 19 Eanáir 1850. An chóip seo as eagrán Uí Mhórdha (1957: 379); nó féach Ó Buachalla (1968: 191-3).

dhobharchú. Deir sé gur tógadh an leacht ‘cead 7 7 mbliaghana fithit’ roimhe sin do bhean darbh ainm Grás Ní Chonghaile, bean Thoirdealbhaigh Mhig Lochlainn.<sup>1445</sup> Ó tharla gur éirigh le Beckett (1967: 236) an leac uaighe a aimsiú, agus go ndeirtear uirthi go bhfuair an bhean seo bás an 24 Meán Fómhair 1722, bheadh sé le léamh ar an méid sin go bhfaca Aodh an leac sin, nó gur scríobh sé an chuid den *Fhealsúnacht* ina luaitear an leac, thart faoin mbliain 1849, agus gur dhearmad sé aois cothrom le dáta a scríobh isteach in LPBF 19a nuair a bhí sí á grafadh aige.

An chéad litir eile atá againn ó Art, ní a scríobhadh an 10 Feabhra 1850, tá sé le léamh uirthi go raibh dea-scéala le hinsint ag Roibeard Mac Ádhaimh go raibh Aodh tar éis teacht chuige féin, ‘I am very glad that poor Hugh McDonnell is cleverly recovered from his illness for I was very doubtful of him’.<sup>1446</sup> Dúradh sa chuntas ar Art Mhac Bionaid thuas nach dóigh gur scríobh sé agus Roibeard Mac Ádhaimh chuig a chéile i ndiaidh mhí Aibreáin 1850, agus cé gur iarr Art ar Roibeard Mac Ádhaimh i gceann de na litreacha deiridh a bheannachtaí a thabhairt d’Aodh,<sup>1447</sup> ní heol dom go raibh baint ar bith ag Art agus Aodh lena chéile tar éis na bliana 1850 fosta. B’fhéidir go léifí ar na cóipeanna úra a rinne Art idir c.1852 agus 1856 de na dánta maslacha a scríobh sé ar Aodh idir 1845 agus 1846 nár tháinig Aodh ar cuairt chuige le fada an lá an uair sin, sa dóigh gur fhuaigh a chuid air. Bhí Aodh agus Peadar Ó Gealcáin mór lena chéile go fóill, ámh, agus tar éis do Pheadar Ó Gealcáin tuairim is ceithre mhí a chaitheamh i mBéal Feirste sa bhliain 1851, scríobh sé nóta chuig Roibeard Mac Ádhaimh thart faoin 7 Deireadh Fómhair 1851 a

---

<sup>1445</sup> Féach Beckett (1967: 182-3).

<sup>1446</sup> LN G702(19), mír 2; Ó Mórdha (1957: 382).

<sup>1447</sup> Litir ó Art Mhac Bionaid chuig Roibeard Mac Ádhaimh a scríobhadh an 20 Márta 1850, ‘P.S. Remember me to my old friend, Hugh McDonnell. Probably this will be the last he will hear of me. But it all wrests with you now ...’, LN G702(19), mír 5; Ó Mórdha (1957: 386-7).

thugann le fios dúinn go raibh sé tar éis a bheith ag labhairt le hAodh faoi obair  
choipeála ó d'fhág sé Béal Feirste,

I have received a note from Hugh McDonnell in which he stated that he had  
some conversation with you previous to that and that you remarked to him  
that you had two years' work for me in the writing business.<sup>1448</sup>

Istigh leis an litir seo, tá dán nó ceiliúradh a scríobh Peadar 'chuig Maighisdir  
Roibeard Mhac Ádhaimh agus a Shean-Chuallaidh Aodh Mhac Domhnaill',<sup>1449</sup> agus  
b'fhéidir gurbh í an obair a bhí i gceist ag Peadar sa litir sin an lámhscríbhinn lán  
d'fhilíocht Aodha a ghraf sé do Roibeard Mac Ádhaimh am éigin tar éis na bliana  
1851.<sup>1450</sup> Bhí cónaí ar Aodh, mar a dúirt muid thuas, in 88 Millfield sa bhliain 1852,  
thart faoin am ar thug a iníon Anna saol dá mac James O'Carolan (c.1852-1883),<sup>1451</sup>  
a lean ceird na múinteoireachta fosta.

Cuireadh deireadh lena mhórshaothar, ar a dtugtar *Fealsúnacht Aodha Mhic  
Dhomhnaill* go coiteann anois, i mBéal Feirste an 8 Eanáir 1853. Diomaite de gurb é  
seo an dáta deiridh ar ar féidir Aodh a shuíomh sa chathair go sábháilte, is dóigh go  
raibh sé fós ann i dtús na bliana 1854, nuair a chuir Roibeard Mac Ádhaimh é ag  
obair ar an aistriúchán de 'Imtheachta na Tromdháimhe' atá in ARÉ 23O59 (b)  
(1368), obair nár fhóin go rómhaith d'Aodh. Is ait le Beckett (1987: 23) gur thug  
Aodh a chúl ar an gcathair, áit a raibh 'saol taitneamhach aige', é 'i mbun oibre a  
raibh spéis aige inti, meas ag daoine air agus greim ina bhéal nuair ba mhian leis sin'  
ach is féidir, mar a deir Ó Buachalla (1968: 252) go raibh baint éigin ag sláinte

<sup>1448</sup> LN G702(20), mír 1; Ó Buachalla (1968: 213-14).

<sup>1449</sup> Tá an dán i gcló in Ó Buachalla (1968: 211-13) agus in Dawson (1992:93-5).

<sup>1450</sup> OB 1/155. Féach an cuntas ar Pheadar Ó Gealacáin i gCaib. 2.171 thíos, áit a ndéantar plé éigin ar  
an lámhscríbhinn, nó an cuntas a scríobh Ó Buachalla (1964-6) uirthi.

<sup>1451</sup> *Henderson's Belfast Directory* (1852)—bhí 'Hugh Mac Donnell, teacher of Irish' ina chónaí in 88  
Millfield (Beckett 1967: 10-11). Bheadh 'Wm Johnston, aerated water manufacturer' tagtha ina áit  
nuair a clóbhuailleadh *Henderson's Belfast Directory* (1858-9), mar a léiríodh cheana in Ó Buachalla  
(1968: 252). Is dóigh gurbh ar an ábhar sin a dúirt Ó Buachalla (1968: 256) gur imigh Aodh as Béal  
Feirste sa bhliain 1858, ach tá an t-eolas a sholáthair de Brún (2009)—féach i gcorp an chuntais  
thuas—tar éis an dáta sin a bhrú siar dhá bhliain.

Aodha nó ag cúrsaí an bhaile leis an scéal. Tá an 19 Feabhra 1854 mar dháta le ARÉ 23O59 (b) (1368) áit amháin,<sup>1452</sup> agus cé nach luaitear log inti, téann sé le céill gurbh i mBéal Feirste a scríobhadh í.<sup>1453</sup> Is é an spleáchadh deiridh a fhaigheann muid ar Aodh agus Roibeard Mac Ádhaimh a bheith i dteagmháil lena chéile an tagairt ghairid a rinne Peadar Ó Gealacháin do shláinte Aodha arís, i litir a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 12 Aibreán 1854, ‘I received your letter of the 6th on last Monday and am sorry that poor McDonnell is not in good health’.<sup>1454</sup> Dhealródh sé go raibh sé fós i mBéal Feirste an uair sin. As sin amach, ní fios goidé mar a d’éirigh d’Aodh go dtí an 25 Samhain 1856, an lá a bhfuair sé post leis an *Irish Society* i gCo. Dhún na nGall.<sup>1455</sup>

Ós rud é nach mbacadh sé le dátaí a chur lena chuid oibre go minic, ní léir cá huair a thosaigh Aodh a scríobh lámhscríbhinní nó cérbh iad na tréimhsí ba bhisiúla ina shaol. Tháinig, mar shampla, lámhscríbhinn—COFLA B[1]—a ghraf sé idir na blianta 1852 agus 1856 chun solais le déanaí.<sup>1456</sup> Thart faoin am a raibh an lámhscríbhinn seo á cur i gcrích aige, d’fhill sé ar an *Irish Society* agus ceapadh ina mháistir é i dTulacha Beigile, Co. Dhún na nGall, an 25 Samhain 1856. Cé gur éirigh go maith leis, de réir dealraimh,<sup>1457</sup> d’iarr sé ar an gcumann é a scaoileadh as a phost

---

<sup>1452</sup> ARÉ 23O59 (b) (1368), lch 56.

<sup>1453</sup> Tá an méid sin intuigthe ó thagairt in Ó Buachalla (1968: 272), ‘Ní eol dom aon lámhscríbhinn Ghaeilge a scríobhadh i mBéal Feirste tar éis 1854, ámh, ná aon scríobhaí Gaeilge a bheith ag obair sa bhaile tar éis imeacht Aodha Mhic Dhomhnaill sa bhliain 1858’. Deirtear ag Ó Buachalla (1968: 256) fosta gur imigh Aodh Mhac Domhnaill [2] ó Bhéal Feirste sa bhliain 1858. Féach nóta 1451.

<sup>1454</sup> LN G702(20), mír 2. Ó Bhaile Mhic Cathnaoin, 12 Aibreán 1854. Baineadh seo as an gcóip atá in Ó Buachalla (1968: 242-4).

<sup>1455</sup> Féach nótaí 1451, 1453.

<sup>1456</sup> Scríobhadh nóta uirthi in Ó Muirí (2011), ach níl catalóg curtha le chéile go fóill—luaitear i ngearrliosta nó *Preliminary Inventory* (1998) de pháipéir COFLA a chuir Róisín Ní Mhéara le chéile, áit a dtugtar B2/2 ar an lámhscríbhinn, go bhfuil na dátaí 1798 agus 1852 le léamh ar an lámhscríbhinn. Tá an preliminary inventory sin ar fáil ar [www.ofiaich.ie](http://www.ofiaich.ie). Más fíor sin, is féidir go bhfuil giota de lámhscríbhinn eile istigh le cuid Aodha, ach ní raibh faill agam chuig an lámhscríbhinn a léamh.

<sup>1457</sup> Deirtear i miontuairiscí an 6 Eanáir 1857, go raibh Aodh ‘so well reported of’ (Beckett 1987: 24; de Brún 2009: 336). Fostaíodh é ar bhliain thrialach ar thuarastal bliantúil de £20 ar an 25 Samhain 1856; tugadh £1 dó an 6 Eanáir 1857 mar gheall ar a fheabhas a d’éirigh leis; tugadh costais taistil dó

mar chigire ar an bhFál Carrach ar ábhar éigin i mí na Samhna 1859 (de Brún 2009: 337). Géilleadh dó, agus dhealródh sé gur chaith sé an chuid is mó den saol a bhí fágtha aige, cheal eolais eile, i gCo. Dhún na nGall, áit ar chuir a iníon agus a clann fúthu, ar an gCarraig Fhinn, am éigin roimh mhí Iúil na bliana 1864.<sup>1458</sup> Níl sé soiléir cé dó ar scríobhadh COFLA B[1]. Is beag eolas atá ar fáil faoi chnuasach príobháideach lámhscríbhinní Aodha, má bhí ceann aige, ach tá ar a laghad trí lámhscríbhinn againn óna láimh nach féidir iad a cheangal go sásúil le cnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh go fóill—COFLA B[1], an lámhscríbhinn a luadh cheana; CM L14, a bhí idir lámha ag Seán Ó Donnabháin (*ob.*1861) nuair a bhí sé lonnaithe i gColáiste na Tríonóide;<sup>1459</sup> agus an lámhscríbhinn dheireanach atá againn ó láimh Aodha, COFLA MF13, ar baineadh cuid di, mar a thaispeáin Mac Labhraí (2013:

---

an 24 Márta 1857 le dul go Kilcaragh, (£4 + bronntanas £1). Cuireadh é chuig Toraigh an 5 Eanáir 1858, tugadh £1 lena chostais i dToraigh a chlúdach an 20 Márta 1858; agus an méid céanna arís toisc é a bheith san áit chéanna an 31 Bealtaine 1859. B'fhéidir nach iontach an rud é gur glacadh lena iarratas éirí as a phost ar an 22 Samhain 1859. Tugadh tuarastal míosa dó mar chostais taistil an mhí sin.

<sup>1458</sup> Chuaigh díom a léiriú go raibh siad in aontíos le hAodh, áfach. Ba ar an gCarraig Fhinn a rugadh duine d'iníonacha Anna ar an 16 Iúil 1864—féach an cuntas ar Chathal Ó Cearbhalláin i gCaib. 2.128.

<sup>1459</sup> Níl mórán i gcló i dtaobh an scéil seo, 'Teagmhála Duibh mhic Deaghla agus a Chloinne'. Tá ceithre chóip di ar fáil, agus an chuid is mó acu easnamhach nó truaillithe—ARÉ 24P31(1) (1075); CM L14; LN G702(7), mír 2; LPBF 15. Tráchtaimis ar CM L14 i dtús áite. Ag seo cuid de chatalóg Mhic Néill (1906b: 210 col. a), '... 149 pages. Autograph on first blank leaf, "John O'Donovan, LL. D., 36 Buckingham [Street?], Dublin, 2 Trinity College, Dublin." The figure 2 is struck out and "W. Chapel house" written to the left of it. ... A prose tale, badly spelled, entitled "Togbhálach Duibh Mhic Dalach 7 a chlinne (read Teangmhála Dhuibh Mhic Dheaghla?). Partly translated into English on the opposite pages. A further part of the English translation is given in one of the unbound MSS. ... The scribe appears to have been a native of Oriel ...' Ó tharla nach bhfuair mé deis súil a chaitheamh ar a bhfuil fágtha anois de na lámhscríbhinní gan cheangal i gColáiste Mhaolmhaodhóg, agus nach bhfuil sé sonraithe ag Eoin Mac Néill cén lámhscríbhinn go díreach a bhí i gceist aige, nílim in ann breis eolais a thabhairt anseo. Is i bpeannaireacht Aodha, áfach, atá an t-ábhar idir Ghaeilge agus Bhéarla in CM L14, agus is ábhar spéise (1) gur athscríobh cara leis, Brian Ó Searcaigh, codanna den scéal céanna sa bhliain 1844, ar a dtugtar LN G702(7), mír 1, faoi láthair; agus (2) go bhfuil cuid den scéal (féach nóta 1392 thuas) i bpeannaireacht Aodha in LPBF 15. Tá an 3 Meán Fómhair 1849 mar dháta leis an lámhscríbhinn sin.

An giota atá i bpeannaireacht Bhriain in LN G702, tá an 14 Meán Fómhair 1844 mar dháta leis, agus is dóigh gur cuireadh chuig Roibeard Mac Ádhaimh é an uair sin, toisc go bhfuil litreacha eile ón duine céanna taobh leis in LN G702. Is spéisiúil go raibh teacht ag Brian ar an scéal seo, tharla go raibh MN B1 ina chnuasach aige, i lár na 19ú hAoise. Ba as Ráth Bódaigh, Co. Lú, dó. An é gur chuir Brian sampla den scéal chuig Roibeard Mac Ádhaimh, d'fhéachaint an raibh spéis aige ann? Ba mhaith an rud é staidéar a dhéanamh ar CM L14, LN G702(7), mír 1, agus LPBF 15, le go mbeadh a fhios againn cé acu is spleách nó neamhspleách ar a chéile atá siad, agus tuairim a fháil ar cibé baint atá acu le ARÉ 24P31(1) (1075), lámhscríbhinn gan síniú gan dáta, ach a bhfuil an chuma uirthi gur scríobhadh sa chéad leath den 18ú hAois í. Bhí an lámhscríbhinn seo i gcnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh. Níl an scéal in aon lámhscríbhinn eile, is dóigh, ach na ceithre cinn thuas. Féach nótaí 1392, 3539.

257), as lámhscríbhinn le Pádraig Ó Pronntaigh,<sup>1460</sup> agus giotaí d’annála as eagrán Sheáin Uí Dhonnabháin de *Annála na gCeithre Máistrí*.<sup>1461</sup> Caithfidh sé gur scríobhadh an lámhscríbhinn seo i gCo. Dhún na nGall, agus is doiligh a dhéanamh amach cé uaidh a bhfuair Aodh a chuid eiseamláirí, nó cá ndeachaigh siad ina dhiaidh sin. Cailleadh Aodh in Earrach na bliana 1867. Tá glacadh leis anois gurb ionann an scríobhaí agus an ‘Hugh McDonald’ ar cláraíodh a bhás in Aontas Mhuinchille. Fuair an duine seo bás i dTeach na mBocht an 30 Márta 1867,<sup>1462</sup> agus é 65 bliana d’aois, ach tá sé le tuiscint ón litir a scríobh Cathal Ó Cearbhalláin (*q.v.*) chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 14 Iúil 1867 gur éag Aodh thart ar dheireadh mhí Aibreáin 1867 (Beckett 1967: 1 *n.1*), agus is dóigh nach mbeifear in ann freagra sásúil a thabhairt ar an gceist seo go deo.<sup>1463</sup> Ní fheicim goidé an t-ábhar go mbeadh air dul isteach i dTeach na mBocht i gCo. an Chabháin. Adhlacadh é i reilig Mhaigh Rátha.<sup>1464</sup> Luaitear sa litir fosta go raibh a iníon beo ag an am sin, agus gabhann cóip

<sup>1460</sup> Féach nóta 1572 thíos.

<sup>1461</sup> Mar a d’aithin Ó Fiannachta, *M.N. Cat.*, vi, 129-30, orthu; is i bpáipéir an Chevalier O’Gorman, ARÉ 24D18 (1043), atá an chóip seo den litir thiomanta agus den *approbatio* ar coimeád. Chóipeáil Muiris Ó Gormáin iad sa bhliain 1781.

<sup>1462</sup> *OAC*, Cláruimhir: 1867, Ráithe 2, Iml. 8, lch 120 (Aontas Mhuinchille nó ‘Cootehill’). Ní thugtar a áit chónaithe ar an teastas, agus is doiligh a chruthú anois cá raibh buanchónaí ar an duine seo, tharla go bhfuil taifid riaracháin an Aontais seo ar seachrán le fada an lá. Theip orm teacht ar Hugh M(a)c Donnell nó Hugh McDaniel ar cláraíodh a bhás sna Gleanntacha idir 1864 agus 1869 sna hinnéacsanna.

<sup>1463</sup> Theip orm teacht ar eolas ar bith i dtaobh chlár an Aontais (19ú hAois) ina bhfuair an Hugh McDonald sin bás, agus is dóigh go bhfuil siad cailte, cosúil lena lán eile de thaifid na dtithe sin.

<sup>1464</sup> D’éirigh le Beckett (1987: 24) agus de Brún (2009: 339) an reilig a cheangal leis an tseanreilig i Maigh an Rátha, i bparóiste an Rátha .i. ‘Raymunterdoney’, Co. Dhún na nGall. Thug Roibeard Mac Ádhaimh £1 do Chathal faoi choinne na sochraide, féach an litir, LN G702(21), a scríobh Cathal Ó Cearbhalláin chuige an 14 Iúil 1867. Deir Cathal sa litir sin go raibh Aodh marbh le thart ar dheich seachtaine, agus go raibh iníon Aodha, Anna, iontach tinn tar éis a bháis; ciallaíonn sé sin gur éag Aodh ag deireadh mhí Aibreáin 1867. Cuireadh tús le clárú sibhialta básanna in Éirinn sa bhliain 1864 agus níor mhór an rud é murar bacadh le bás Aodha a chlárú, tharlódh sé go bhfuil bearnaí móra i dtaifid na 19ú hAoise, in áiteacha aduaine ar nós Aontas na nGleanntach, áit a bhfuil an Charraig Fhinn suite, ach go háirithe. Bhí clárleabhar adhlacthaí an Rátha don tréimhse idir 1818 agus 1877 ar coimeád i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí, agus cailleadh é, dá bharr sin, sa bhliain 1922. Tosaíonn na taifid atá ar fáil go fóill sa bhliain 1880, agus is dóigh, mar sin, go bhfuil an t-eolas a thabharfadh freagra beacht dúinn i dtaobh an teastais bháis úd cailte go deo anois.



de thuireamh a chum Cathal ar Aodh léi.<sup>1465</sup> Mhair a iníon go dtí an 1 Eanáir 1877.<sup>1466</sup>

**2.64. Labhrás Mac Domhnaill, fl.1714-23** [Laurence MacDaniel]

**LPBF 11.** Formhór di. ‘Taidhbhse Mherlíno ar Ifreann’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’. 1714. Do *Laurence Kelly*.<sup>1467</sup>

**COC M23.** ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’. ‘Áth na nGallóglaoidh’ 1723.

Is doiligh an log a thugtar in COC M23 (23), ‘Áth na nGalloglaoidh’, a cheangal le logainm reatha ar bith.<sup>1468</sup> Tá cúpla cuntas ar dhuilleoga a fágadh bán in LPBF 11.

**2.65. Mícheál Mhac Domhnaill, fl.1799-1817** [Mical McDaniel]<sup>1469</sup>

**LN G644.** Formhór di. Urnaithe, rialacha, liodáin, dánta cráifeacha, leagan Gaeilge den *Dies Irae*, Teagasc Críostaí, ‘Seanmóir na nAithreacha Naomhtha’, ‘Beatha agus Martardha Maighréide Naomhtha’. Ceanannas, An Mhí 1806, 1817.<sup>1470</sup>

Is beag atá ar eolas faoi Mhícheál, ach an méid atá intuigthe ón lámhscríbhinn, is é sin, gurbh i gCeanannas a bhí cónaí air sna blianta 1806 agus 1817, agus gur Chaitliceach é. Is dóigh gur lámhscríbhinn chomhshuite í LN G644, agus chuir

---

<sup>1465</sup> Féach nóta 1464 thuas, agus an tagairt a thugar i nóta 2218.

<sup>1466</sup> Féach an cuntas ar Chathal Ó Cearbhalláin i gCaib. 2.128 thíos.

<sup>1467</sup> Sonraí ag teastáil.

<sup>1468</sup> Luaigh Breathnach (1936) go raibh áit darbh ainm Baile na nGallóglaoidh (*Ballynagalloglagh, Ballygallockle, Ballygallock*, srl.) i bparóiste an Bhaile Mhóir, Co. na hIarmhí, nó gar dó, áit a luaitear i dtaifid a bhaineann leis an 16ú hAois. Tugann sé sin leid dúinn faoin dóigh a bhféadfaí Galldú a dhéanamh ar an logainm ‘Áth na nGallóglaoidh’ [‘? recte Áth na nGallóglaoidh’], ach ní fheicim go bhfuil a leithéid d’áit, \**Anagalloglagh*, \**Anagallock*, ar eolas. Ba dhearmad do lucht an *Hayes Cat.*, 652 col. b, an log a cheangal le *Annayalla* [= Na hEanaigh Gheala], Co. Mhuineacháin.

<sup>1469</sup> Tugann sé dhá leagan dá ainm sa Bhéarla; féach nóta 1473.

<sup>1470</sup> Tugtar an dáta 7 Feabhra 1806 agus an log Ceanannas in LN G644, lch 374; agus an 26 Iúil 1817 ar lch 210.

Eoghan Ó Gramhnaigh, an scoláire clúiteach, léi; tá a ainm agus na dátaí 1880 agus 1886 ar an lámhscríbhinn in dhá áit. Ó thaobh chumas an scríobhaí de, is mór idir an ‘córas’ litrithe a úsáideann sé cuid den am agus an caighdeán clasaiceach; agus is follas ó luaineacht na hortagrafaíochta ó théacs go téacs sa lámhscríbhinn go raibh Mícheál ag tarraingt ar fhoinsí éagsúla: is dóigh go raibh sé in ann ábhar a chóipeáil go measartha cumasach, nuair a bhí eiseamláir mhaith aige, ach nach raibh tuiscint cheart aige ar ortagrafaíocht na teanga.

Shínigh duine darbh ainm Mic[h]a[e]l McDaniel LN G458,<sup>1471</sup> lámhscríbhinn de chuid Mhuiris Uí Ghormáin, ach is doiligh a bheith cinnte gurb é an duine céanna é agus an scríobhaí. Chonaic muid i gCaib. 2.49 thuas go bhfuil aon lámhscríbhinn amháin ó pheann Sheoin Mhic Ciar (*fl.*1738) againn, LNA 72.2.5. Ba as Clochar, Co. Thír Eoghain, dó. Lámhscríbhinn Turner 2 an teideal a bhí ar LNA 72.2.5 (*ol.* LV) lá den saol, agus is é Turner, ar ndóigh, an bailitheoir lámhscríbhinní agus an saighdiúr Albanach, Patrick Turner, atá i gceist anseo. Le linn dó a bheith in iarthar Cho. na Mí sa bhliain 1801, ghráf sé roinnt ábhar ó lámhscríbhinní áitiúla.<sup>1472</sup> Ó tharla go bhfuil LNA 72.2.5 sínithe i mBéarla agus i nGaeilge ag Mícheál Mhac Domhnaill ó Ceanannas faoin dáta 1799,<sup>1473</sup> agus go raibh Mícheál Mhac Domhnaill ina scríobhaí i gCeanannas chomh mall leis an mbliain 1806—agus ina bheatha chomh mall leis an mbliain 1817,<sup>1474</sup> is dóigh gurbh é Mícheál a thug LNA 72.2.5 do Patrick Turner.

---

<sup>1471</sup> Féach lch 23.

<sup>1472</sup> LNA 72.2.7. Féach an colafon ar f. 24v inti.

<sup>1473</sup> Tá a shíniú ar fáil ar lgh 81 (‘Mical McDonald’, ‘Kells’); 81 (‘Mical McDaniel’); 308 (‘Michael McDaniel’); 312 (‘Machael Mac Domhnal’); agus 313 (‘Machael Mac Domhnall’). Féach Mackechnie (1973: 217 col. b).

<sup>1474</sup> Féach nóta 1470 thuas.

CM L3 (a). Blogh di. Obair dheisithe ar: ‘Eachtra Thriúr Mac Ríogh na hIoruaidhe’. An Gabhlán, An Triúcha, Muineachán 1806.

Rugadh an scríobhaí seo ar an nGabhlán sa bhliain 1720, de réir rainn a chuir sé leis an lámhscríbhinn, agus bhí sé ag cur faoi san áit chéanna nuair a dheisigh sé leathanaigh thosaigh na lámhscríbhinne sa bhliain 1806.<sup>1475</sup> Breacadh cuntais airgid ar leathanach bán<sup>1476</sup> i gcorp na lámhscríbhinne i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 1749, agus is follas ó chuid de na logainmneacha a luaitear ann, Doire Liath, Doire na Losad, srl.,<sup>1477</sup> go raibh an lámhscríbhinn i mbarúntacht an Aireagail chomh fada siar leis an mbliain sin. Tá rann beag i dtaobh an scéil phróis ag Philip ar cheann de na fordhuilleoga, rann ina ndeir sé ‘... few will read it perfect after me’.<sup>1478</sup>

<sup>1475</sup> Is dóigh liom go bhfuil lgh [1]-[6] i bpeannaireacht Philip, agus na leathanaigh sin amháin. Thug sé an t-eolas seo dúinn i bhfoirm véarsa in CM D3 (a), lch [2]:

‘In 1720 in Golan I was Born,  
My Birth that Mountain did adorn.  
The Lord allow’d me here my stage to fix,  
Till now its 1800 Years and Six  
1806  
1720  
my age 86’.

Is é rud atá ar lgh [1]-[6], rainn fáin ó láimh Philip, agus an chéad chúpla leathanach de ‘Eachtra Thriúr Mac Ríogh na hIoruaidhe’. Leanann an saothar ar aghaidh ar lch [7], ach i láimh atá i bhfad níos sine, níos gairbhe agus níos líofa ná peannaireacht Philip. Léifí ar an bpeannaireacht, ar an bpáipéar, srl., gur chuir Philip lgh [1]-[6] leis an gcuid eile de CM L3 (a) lena deisiú. Ar an ábhar go ndearna sé an obair sin in earr a aoise, is féidir, ar ndóigh, go raibh sé ag deisiú lámhscríbhinne a ghraf sé i dtús a shaoil, rud a mhíneodh na héagsúlachtaí idir na stíleanna peannaireachta, ach ní dóigh liom é. Cé gur dóigh gur grafadh an lámhscríbhinn uilig nuair a bhí Philip Mac Dhubhghaill ar an saol seo, sa bhliain 1749 ar a dhéanaí (féach nóta 1477), is doiligh a chreidiúint gur scríobh Philip Mac Dhubhghaill í ina hiomláine. Ba leis í le fada an lá, áfach; féach gur deise go mór peannaireacht an nóta léitheora atá aige ar lch [16], ‘Philip Mc Dhubhghoil a dhuillechan Gaidheilge’, agus is dóigh gur grafadh sin i bhfad roimh an mbliain 1806, an bhliain ar scríobh sé a chuid den lámhscríbhinn.

<sup>1476</sup> Féach nóta 1477 thíos.

<sup>1477</sup> CM L3 (a), lch [22]. Tá cúpla cuntas ar lch [22] dar dáta 1749, agus luaitear cuid mhaith daoine ann, an chuid is mó acu dar sloinne McKenna, ‘John McKenna Derrylea’, ‘John McKenna Derrynalosa’, srl. Is dóigh gurb iad Doire Liath, paróiste Aireagail, agus Doire na Losad, paróiste Dhomhnaigh, atá á lua thuas. Tá siad beirt sa Triúcha.

<sup>1478</sup> CM L3 (a), lch [3].

## 2.67. Séamus Mac Duibh

[James Duff]

MN C92 (g). Blogh di.<sup>1479</sup> Amhrán le Séamus Mac Cuarta, agus giotáí eile.

Ní féidir eolas ar bith a fháil faoin duine seo. Ar an bpeannaireacht, is dóigh gur mhair Séamus san 18ú hAois, ach is doiligh a bheith níos cruinne ná sin.

## 2.68. Feidhlime Mag Fhinneachta, fl.c.1715

LN G127. Blogh di. Aoir ar Henry Lutterall, dán eile. [? c.1715. Do *Ristead Tuibear*].<sup>1480</sup>

Ní féidir mórán a rá i dtaobh an scríobhaí seo ach go raibh aithne aige ar Ristead Tuibear, an scríobhaí a ghráf formhór LN G127. Is follas ó nóta sa lámhscríbhinn gur do Ristead a scríobh Feidhlime Mag Fhinneachta an beagán ábhair atá ina lámh inti,

Tabhair mo bheannacht do do cheile  $\gamma$  do do mhathair gan dearmad dhiot(h) feine. Na(c) bí caissid air an scriouener oigse fa orthographi na Gaoidhealg. Do d[h]uine fiormhuinteardha [.i.] Feidhlime Mac [€] Gionnuit(h)a.<sup>1481</sup>

[Mac Gabhann]: féach Smyth

## 2.69. Cathal Mhac Gabhann

ARÉ 24P27 (4). Blogh di. Rann. Crois ar Loch Uacht., Crois ar Loch, Cill

Droma Feartáin, Co. an Chabháin.

---

<sup>1479</sup> Scríobh Séamus Mac Duibh (James Duff) LN C92 (g), lgh 1-2, 9-13, chomh fada agus is féidir liom a rá. Tá lch 14 (cúl lch 13) bán. Ceapaim gur scríobh Muiris Ó Gormáin MN C92 (g), lgh 3-4, 25, agus gur cheart don Mhoins. Ó Fiannachta gurbh é an duine céanna a ghráf MN C92 (f) agus MN C92 (g), lgh 15-16. Dhealródh sé gur ghráf Séamus Mag Shamhradháin éigin MN C92 (g), lgh 27-28, ach ní dóigh liom go bhfuil sé le ceangal leis an Séamus Mhag Shamhradháin a bhfuil cuntas air i gCaib. 2.97 thíos. Féach an *M.N. Cat.*, vi, 34-5.

Ní rófhada ó stíl Shéamuis Mhic Dhuibh peannaireacht MN C92 (d), lgh 1-64, ach ní féidir a áiteamh gurbh é an duine céanna a scríobh na leathanaigh sin.

<sup>1480</sup> Féach an cuntas a scríobhadh ar Ristead Tuibear, an scríobhaí Gaeilge, i gCaib. 2.231.

<sup>1481</sup> Cuireadh seo i gcló cheana san *N.L.I. Cat.*, iv, 45; LN G127, lch 532. Shíl Nessa Ní Shéaghdha gurbh é *Mac E Gionnuitha* a shloinne, ach is C a cuireadh ar ceal atá sa lámhscríbhinn. Féach nóta 3755 thíos, áit a bhfuil nóta eile uaidh.

Duine de na léitheoirí déanacha a chuir a n-ainmneacha leis an lámhscríbhinn mheamraim sin, ARÉ 24P27 (4), ab ea Cathal Mhac Gabhann, ach ba eisean an t-aon duine acu sin a chuir ábhar breise léi. Tharlódh sé go raibh cónaí air i gCrois ar Loch Uacht. i bparóiste Chill Droma Feartáin i gCo. an Chabháin nuair a bhí an lámhscríbhinn aige, am éigin san 18ú hAois, is dócha. Fuair an tOll. Pól Ó Briain (*q.v.*) seilbh ar an lámhscríbhinn go luath sa 19ú hAois, agus d'fhéadfadh sé gurbh í ARÉ 24P27 (4) an seanleabhar meamraim a bhí roimhe nuair a thug sé aitheasc fada ar an nGaeilge i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, am éigin idir na blianta 1802 agus 1806.<sup>1482</sup>

**2.70. Éamonn Mhac Gabhann,**<sup>1483</sup> *fl.*1772 [Edward Smyth]

**ARÉ 23A10 (960).** Blogh di.<sup>1484</sup> Dánfhocail. 1772.

Ghraf Éamonn Mhac Gabhann dhá théacs ar dhuilleog bhán sa lámhscríbhinn seo ar scríobh Pádraig Ó Pronntaigh (*q.v.*) an chuid is mó di. Chaith an lámhscríbhinn tréimhse i gCo. an Chabháin, agus in áiteacha eile, ina dhiaidh sin.<sup>1485</sup>

**2.71. Pádraig Mhac Gabhann,**<sup>1486</sup> *fl.*1809-52 [Patrick Smith]

**ARÉ 24C27 (599).** ‘Ceol ar an bPíopa Dubh’, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, dhá thuireamh le Séamus Mac Cuarta, ‘Tuireamh an Dochtúir Uí Raghallaigh’. 1817.

---

<sup>1482</sup> Maidir leis na dátaí seo, agus an tagairt a rinne an tOll. Pól Ó Briain san aitheasc do leabhar meamraim éigin, féach an cuntas air i gCaib. 2.114 thíos.

<sup>1483</sup> Mar seo a litríonn sé a ainm: ‘Eamon a Gab[h]ain ... arna sg[r]ibhaidh an t-ochtmaidh la don mi Nov<sup>r</sup> 1772’, ARÉ 23A10 (960), lch 86.

<sup>1484</sup> Lgh 85-6.

<sup>1485</sup> Gheofar ainm Phádraig Uí Fhaircheallaigh (stampa) ar lgh 1, 47, agus síniú Phroinsias Uí Bhriain, ‘Cillannaidh’ (faoin mbliain 1832) ar lch 85; féach nóta 2476 thíos.

<sup>1486</sup> Fághtar ARÉ 24B18 (592) as an áireamh anseo, mar gheall ar na hábhair a phléitear i gcorp an chuntais thuas. Féach an *R.I.A. Cat.*, 1869.

**LB Eg. 209.**<sup>†1487</sup> Blogh di.<sup>1488</sup> \*Daingean an Mhantaigh [Dinginavanty],<sup>1489</sup>

Cill Droim Sirideáin, An Cabhán [c.1809].

Is maith a thaispeánann na lámhscríbhinní a leagtar go coitianta ar dhuine, nó ar dhaoine, darbh ainm Pádraig Mhac Gabhann sna catalóga cuid de na deacrachtaí a bhaineann le clárú na lámhscríbhinní. Ag cur sonraí na gcatalóg uilig le chéile, is dóigh go ndéanfaí amach gur le Pádraig Mhac Gabhann LB Eg. 209 sa bhliain 1809; agus gur scríobh sé cuid mhaith de ARÉ 24B18 (592) in 1815, agus ARÉ 24C27 (599) sa bhliain 1817.<sup>1490</sup>

Sloinne thar a bheith coitianta é Smith, ar ndóigh, agus níor mhiste a bheith ar ár n-airdeall sa chás seo nach bhfuil saothar beirte nó triúir againn. Sa chéad áit, tá LB Eg. 209 agus ARÉ 24C27 (599) sínithe ag Pádraig Mhac Gabhann éigin; is ag brath ar an bpeannaireacht a bhí fear na catalóige i gcás ARÉ 24B18 (592),<sup>1491</sup> agus tuairim aige gurb ionann an pheannaireacht sa chuid is mó den lámhscríbhinn sin agus a bhfuil in ARÉ 24C27 (599). Thuigfí go réidh go bhfuil difríochtaí móra idir peannaireacht na dtrí lámhscríbhinn. Féachaimis, i dtús áite, ar LB Eg. 209, ar scríobhadh an phríomhchuid di san 18ú hAois. Tá istigh léi ocht nduilleog anois, ina bhfuil iarracht déanta cuid de théacs príomhchuid na lámhscríbhinne, ‘Táin Bó Cuailnge’, a athscríobh. Cailleadh duilleog amháin eile den obair dheisithe seo sular

---

<sup>1487</sup> Ba dhóigh le O’Grady, *B.M. Cat.*, i, 589, go raibh an lámhscríbhinn seo i seilbh an scríobhaí amháin, agus nár chuir sé leis, ach tá lámh na nduilleog a cuireadh leis an lámhscríbhinn ag tús na 19ú hAoise le haithint léi siúd atá in ARÉ 24C27 (599).

<sup>1488</sup> Féach nóta 1496.

<sup>1489</sup> Níl leagan oifigiúil Gaeilge ar fáil don bhaile fearainn seo, ar a dtugtar ‘Dinginavanty’ sa Bhéarla, ach is cosúil gurbh í \**Daingean an Mhantaigh* an leagan Gaeilge. Tugann Pádraig Mhac Gabhann é féin na leaganacha Béarla agus Gaeilge seo, ach níor rómhaith an litreoir é, ‘*Degnabhantaigh(?)*’, LB Eg. 209, f. 39; ‘[a] n*Dhegnabhantaigh(?)*’, f. 39; ‘*Degnavanty*’, f. 39. Tugtar na nótaí ina luaitear an log ina n-iomláine i nóta 1493.

<sup>1490</sup> *B.M. Cat.*, i, 589-90; *R.I.A. Cat.*, 1869-70, 1899.

<sup>1491</sup> *R.I.A. Cat.*, 1869.

shroich an lámhscríbhinn Leabharlann na Breataine.<sup>1492</sup> Níl síniú leis na duilleoga seo, ach is cosúil gur scríobhadh iad thart faoin am a raibh príomhchuid na lámhscríbhinne idir lámha ag Pádraig Mhac Gabhann; deir sé linn go raibh an lámhscríbhinn aige i \*nDaingean an Mhantaigh, Co. an Chabháin, ar an 10 Márta 1809.<sup>1493</sup> Bhí Brian (?) Mac an tSaoi ó pharóiste ‘Dhruimgone’,<sup>1494</sup> Co. an Chabháin, ina shealbhóir ar an leabhar sa bhliain 1810, agus is dóigh gurb ionann é agus an Bernard McEntee a shínigh an príomhchuid áit amháin, taobh le hainm John McEntee.<sup>1495</sup> Tá, mar sin, ceisteanna le freagairt faoi scríobhaí na nduilleog sin. Is é is dóigh liom féin go raibh beirt scríobhaithe, **A** agus **B**, ag cuidiú lena chéile na duilleoga seo a scríobh,<sup>1496</sup> agus go raibh siad ag tarraingt ar leathanaigh thollta de

<sup>1492</sup> Cuir an ríomhadh duilleog agus leathanach i gcomórtas lena chéile. Tugtar na huimhreacha i nóta 1496 thíos.

<sup>1493</sup> Seo iad na nótaí ina dtugtar log scríofa: ‘Padruig a Gobhann Deghnabhantaigh(?) Padhruig O Gobhann nDhegnabhantaigh(?) [a] lob[h]air an x<sup>amh</sup> la don Marta 1809. Airna sgeriobhe do Patt Smith Degnavanty March 1809’, LB Eg. 209, f. 39; ‘Bealtuna 5<sup>amh</sup> la fic[h]at ... lob[h]ar Patt Smith’, f. 50b.

<sup>1494</sup> Níl leagan deimhnithe den logainm seo ar fáil. Tugann Brian (?) Mac an tSaoi litriú Gaeilge i nóta Gaeilge dá chuid, ‘Coragardh [a] b[p]arasta Dhruimgone’ a bhfuil fíoramhras (ortagrafaíocht) an Bhéarla air. Féach nóta 1495. Níl paróiste ar bith i gCo. an Chabháin a réiteodh leis an leagan seo, ach glacaim leis go raibh sé ag smaoineamh ar an mbaile fearainn ar a dtugtar ‘Drumgoney’. Más mar sin atá, is dóigh gurb é \*Droim Dhomhnaigh an leagan ceart Gaeilge, ar scáth na bhfoirmeacha deimhnithe atá againn do ‘Drumgoney’, i bparóiste Chill Mhic Laisre, Co. Mhaigh Eo, agus ‘Drumdoney’, paróiste Eachanaigh, i gCo. Shligigh. Tá áit ar a dtugtar ‘Corgarry’ i bparóiste Inis Caoin, Co. an Chabháin, ach is fada óna chéile an áit seo agus ‘Drumgoney’ Cho. an Chabháin, áit atá suite i bparóiste Leathrátha. Bheadh eolas ag teastáil ó staraí áitiúil leis an gceist seo a réiteach.

<sup>1495</sup> ‘B[r]uin Mac Entaidh [sic] os Coragardh [a] b[p]arasta Dhruimgone agus Condan [= Contae an] Chabhán. B(h)llíadhan d’Ise [sic] air d[T]airna Mile o(c)cht ccead mbllíadhan’, LB Eg. 209, f. 39b; ‘John McEntee his hand and pen’, ‘Bernard McEntee his hand’, f. 45b.

<sup>1496</sup> Tugtar **A** agus **B** ar an dá shraith pheannaireachta sa tábla thíos, agus ciallaíonn X i gcolún **A**, srl., gurbh eisean a scríobh an leathanach sin ina iomláine. Scríobh Pádraig Mhac Gabhann a bhfuil luaite sa tábla faoi láimh **A**, is dóigh liom.

f.	lch	<b>A</b>	<b>B</b>	Nótaí.
1	3	X	—	
1v	4	ll. 1-14 (an chéad fhocal, <i>tin</i> , amháin), 17-19	ll. 14 (ó 7 <i>dibharghe</i> amach) –16	Is follas gur scríobhadh cuid <b>B</b> tar éis na línte eile: níor fhág <b>A</b> go leor spáis dóibh.
2	5	ll. 1-7	ll. 8-18	
2v	6	—	X	
3	7	X	—	
3v	8	ll. 17-20	ll. 1-16	
4	9	X	—	
4v	10	ll. 1-10	ll. 11-18	Cuid <b>B</b> rialaithe aige.
5	11	—	X	
5v	12	—	X	

chuid na príomhchoda nach bhfuil againn anois.<sup>1497</sup> Ní rómhaith a réitíonn peannaireacht na beirte seo le nótaí sealbhóra Phádraig Mhic Gabhann ná Bhriain Mhic an tSaoi atá sáite isteach i spásanna bána sa phríomhchuid: is deimhin nár dhuine den bheirt scríobhaithe é Brian, cibé rud é.

Ba pheannairí garbha go deo iad **A** agus **B**, agus tá cosúlachtaí móra ann idir stíl dhrochdhealfa **A** agus ARÉ 24C27 (599), an lámhscríbhinn a ghráf Pádraig Mhac Gabhann sa bhliain 1817. Ní fearr an pheannaireacht ach beagán an uair seo, ach go bhfuil sí giota beag níos rialta, toisc gur thuig Pádraig an t-ábhar a bhí á chóipeáil aige an uair seo, b'fhéidir. Is dóigh liom gur ghráf Pádraig, mar sin, an méid de LB Eg. 209 atá i láimh **A**, agus ARÉ 24C27 (599). Filíocht an Tuaiscirt atá in ARÉ 24C27 (599), agus is éasca a chreidiúint gur ghráf scríobhaí ó oirthear Cho. an Chabháin í. An lámhscríbhinn nach bhfuil síniú léi, ARÉ 24B18 (592), ní dóigh liom gurbh é Pádraig Mhac Gabhann a scríobh í, ar an bpeannaireacht. Diomaite de sin, is féidir go mbaineann an lámhscríbhinn leis an dúiche thart ar theorainn Cho. an Chabháin agus Cho. na Mí, toisc go bhfuil istigh léi giota i bpeannaireacht

6	13	—	X	
6v	14	—	X	
7	15	—	X	
7v	16	—	X	
8	17	—	X	

Tá dhá thréith mhóra le sonrú: (1) an nod le haghaidh *ar*, *air* a scríobhtar ar nós chruth na huimhreach 4 in **B**; (2) go bhfuil dearmadtaí ann nach ndéanfadh scríobhaí ach amháin sa chás nár thuig sé siolla amháin dár scríobh sé.

<sup>1497</sup> Deirim sin ar cheithre ábhar: (1) go bhfuil ábhar cuid mhaith de na leathanaigh seo trualaithe sa dóigh go bhfuil siad dothuigthe; (2) go bhfuil bearnaí beaga, giotaí d'abairtí, srl., i dtéacs na leathanach deisithe seo, cé gur scríobhadh iad mar phíosa leanúnach—ionann is go raibh eiseamláir dhreoirte roimh **A** agus **B**; (3) cé gur chuir an bheirt scríobhaithe rompu na bearnaí a líonadh, agus go bhfuil an chéad duilleog a scríobh siad cailte, ní líonann na duilleoga sin ach beagán den scéal, sa dóigh go dtosaíonn an chéad líne ar f. 3 ag pointe atá cóngarach do na *Macghníomhartha* (l. 763) in eagrán O'Rahilly (1961); (4) cé go bhfuil na leathanaigh truaillithe, is follas nach ndeachaigh an eiseamláir a bhí roimh **A** agus **B** go glan lena bhfuil i Leagan Stowe (IIb), ná leis na leaganacha déanacha eile, m.sh. LN G457. Is eol dúinn gur cineál d'athscríobh ar Leagan Stowe (IIb) atá i bpríomhchuid LB Eg. 209, leagan nach bhfuil ar fáil i lámhscríbhinn ar bith eile, is dóigh, agus téann sé le céill gur ag athscríobh leathanaigh dhreoirte a bhí i dtosach LB Eg. 209, lá den saol, a bhí **A** agus **B**. Mar seo a thráchtann O'Grady orthu, *B.M. Cat.*, i, 589:

A considerable fragment, imperfect at either end, of the famous tale ... Their extreme corruptness reduces the 'restored' folios above to a negligible quantity...

Deir O'Rahilly (1961: xlvi) go bhfuil siad 'worthless'.



fhorbartha Shilbheastair Mhic Gibne (*q.v.*), giota a scríobhadh am éigin i ndiaidh na bliana 1840, is dóigh, agus bhí an lámhscríbhinn ina hiomláine i gcnuasach Eoin Mhic Niocláis .i. John A. Nicholson (*c.*1799-1873).<sup>1498</sup> Bhí cónaí ar John A. Nicholson i dTeach Bhaile an Rátha, Ceanannas, Co. na Mí, agus ba eisean a bhronn ARÉ 24B18 (592) agus ARÉ 24C27 (599) ar an Acadamh. Níl de chosúlacht idir peannaireacht Phádraig Mhic Gabhann agus scríobhaí ARÉ 24B18 (592) ach go raibh lámha garbha acu; is líofa i bhfad script scríobhaí ARÉ 24B18 (592), agus ní fada í ón stíl a d'úsáid Silbheastar Mhac Gibne agus Pádraig Ó Faircheallaigh—beirt a bhaineann leis an dúiche chéanna—thart faoi na 1810í. Is ar an ábhar sin a fhágtar an lámhscríbhinn as an áireamh thuas, cé nach féidir í a leagan go sásúil go fóill ar dhuine eile.

Is beag eolas beathaisnéise atá le fáil sa dá lámhscríbhinn a leagadh ar Phádraig thuas ach go raibh sé ina bheatha idir na blianta 1809 agus 1817, agus gur cosúil gurbh as oirthear Cho. an Chabháin dó. Bíonn na deacrachtaí céanna againn lena liacht tagairtí atá ann do dhaoine darbh ainm Patrick Smith sna taifid chomhaimseartha, nach féidir aon adhmaid substaintiúil a bhaint astu. Féach, mar shampla, go raibh beirt léitheoirí Gaeilge darbh ainm Patrick Smith i bhfostú an *Irish Society* thart faoin am sin. Thug an *Irish Society* íocaíocht do 'Patrick Smith', máistir scoile i ndúiche Dhún an Rí, idir Lúnasa 1825 agus Bealtaine 1827. Tugtar a ainm fosta ar na rúin a síníodh sa dúiche sin an 5 Meán Fómhair 1827, agus tá tagairtí eile do mhúinteoir(í) darbh ainm sin i dtaifid éagsúla a bhaineann leis an gcumann sin idir 1836 agus 1852 (de Brún 2009: 455-6). D'aimsigh an tAth. Liam Swords cóip

---

<sup>1498</sup> Féach nóta 1538 thíos.

de litir a scríobh Patrick Smith éigin, a raibh cónaí air in Tullywaltry<sup>1499</sup> i bparóiste Chnoc Bhríde, Co. an Chabháin, sa bhliain 1847; deir sé sa litir sin gur iompaigh sé ina Phrotastúnach agus gur ruaig na ‘Romanists’ a mhac, John Smith, as a phost sna hoibreacha poiblí.<sup>1500</sup>

Ní féidir liom teacht ar ghiota faisnéise gurb ionann an té a scríobh an litir thuas go sonrach agus an scríobhaí, ach cuireann an cuntas a thugann Pádraig ar théacs amháin in ARÉ 24C27 (599)—mairgne ar an Ard-Easpag Richard Reilly (*ob.*1818) dar teideal ‘Tuireamh Dhochtúir Uí Raighile preibheadh na hEirionn’—i gcéill go raibh sé ina Chaitliceach nuair a scríobh sé isteach sa lámhscríbhinn sin é.

**2.72. Donnchadh Mac Gafraidh, fl.1682** [Denish McCaffry]<sup>1501</sup>

**ARÉ 3B27 (762).** ‘Smaointe Beatha Chríost’. **1682:**—Learga Chloinne Cobhthaigh, An Cabhán; **1682:**—Port na Leadán, An Cabhán<sup>1502</sup> 1682. Dó féin.<sup>1503</sup>

Bhí lorg iontach néata láimhe ag an scríobhaí seo, agus is léir gur scríobhaí oilte a bhí ann a chaith a dhúthracht leis an obair a bhí ar siúl aige, mar a thug Ó Maonaigh (1944: xxvii) faoi deara agus é ag ullmhú ‘Smaointe Beatha Chríost’ don chló,

---

<sup>1499</sup> Diomaite de gur féidir gurb é \**Tulaigh Bhaltra* an leagan Gaeilge, níl an fhianaise baileach soiléir, agus cloítear leis an leagan Béarla ar an ábhar sin. Fuarthas an t-eolas seo i nóta ón Oll. Ruairí Ó hUiginn, an 20 Lúnasa 2018.

<sup>1500</sup> Tá an litir ar coimeád sa Chartlann Náisiúnta faoin gcláruimhir *Registered Papers* W5614. Ní fhaca mé í agus baineadh an t-ábhar thuas as an achoimre a rinneadh uirthi in de Brún (2009: 456).

<sup>1501</sup> Lch 208, ach tugann sé ‘Donogh McCaffry’ air féin ar lch 207.

<sup>1502</sup> Féach Ó Maonaigh (1944: xxvii). Gheofar tuilleadh eolais i dtaobh Learga Chloinne Cobhthaigh in Ó Muraíle (2006: 207 n.2).

<sup>1503</sup> Is aisteach an méid a deirtear san *R.I.A. Cat.*, 2350, faoin gcéad sealbhóir ar an lámhscríbhinn seo, ‘Scribe: *Donogh (Denish Dionisius) Mac Caffry*, who wrote at *Port na Leadan* and *Learga Chloinne Cothaigh*, pp. 207, 208. The date “August 1682” occurs *ibid.* The MS. was written for another Donnchadh Mac Caffry (see p. 208)’.

Is é seo an colafon a bhí i gceist ag lucht scríofa na catalóige,

‘Ag so leabhar Dhonchuig[h] Mhic Caffry, iarna scriobhadh ris an Donnchadh remhraite (a Leargain Chlinn[e] Cothaigh) an bhliadhainsi d’Aois an Tig[h]earna 1682, ...’

Tugtar leagan níos iomláine den cholafon i gcorp an chuntais ar Dhonnchadh thuas. Is dóigh liom go bhfuil sé le tuiscint ón nóta seo gur dó féin a ghráf Donnchadh an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1682.

aistriúchán a rinneadh sa 15ú hAois. Murab ionann agus a lán de lucht a linne, tugann Donnchadh log scríofa a ligeann dúinn é a cheangal le háit ar leith, le Co. an Chabháin, ach is dearfa nár rugadh é sa bhaile inar ghraf sé an lámhscríbhinn seo, nó ní dóigh go scríobhfadh sé an méid seo faoi,

Finit per me Dionisium Mac Caffry 26 Augusti An[n]o Domini 1682. ... Si qua videbuntur casu que non bene scripta in qua scribebam barbara terra fuit eadhon Learga Chloinne Cothaigh.<sup>1504</sup>

D'fhág sé spásanna bána sa bheatha áit nach raibh an eiseamláir inléite, mar a thugann sé le fios sa dara colafon seo ag deireadh na lámhscríbhinne,

Ag so leabhar Dhonchuig[h] Mhic Caffry, iarna scriobhadh ris an Donnchadh remhraite (a Leagain Chlinn[e] Cothaigh) an bhliadhainsi d'Aois an Tig[h]earna 1682, 7 aitchim an fírdhía forordha ... Má tá locht deachtaigh[th]e nó órdagraifia isin sgríobhneorachtsa bíodh aithfer iomaithbhir ar an leabhur 'na ffrith so úair nír bh'áil liomsa tabhairt do bharamhail iná do mheas damh féin briathra na beatha suthaine do chlaochlughadh a n-innas n-aile, 's is amhail fúarais romham isin leabhur focal ar fhocal, 7 litir ar litir, 7c. A bPurt na Leadán damh aniugh an .27. August 1682. ...<sup>1505</sup>

### 2.73. Pádraig Mhac Gatháin,<sup>1506</sup> fl.1813-44

[Patrick McGahan]

ARÉ 24L34 (815). Formhór di.<sup>1507</sup> 'Parliament Chloinne Tomáis', 'Comhrac an Chú Dhuibh', 'Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh', 'Eachtra

<sup>1504</sup> ARÉ 3B27 (762), lch 207.

<sup>1505</sup> ARÉ 3B27 (762), lch 208.

<sup>1506</sup> Ba cheart do de Brún (2009: 365) a scríobh gur 'item in Irish marked "From P McGahan Dungleoly, Co. Louth 1842"'. In ainneoin a ndeirtear sa *Treoir.*, 73 §321, tá mé suite de nár scríobh Pádraig Mhac Gatháin OB G18, agus gurbh é Roibeard Mac Ádhaimh an scríobhaí. Is dóigh gur scríobh Roibeard Mac Ádhaimh ábhar OB G18 as lámhscríbhinn a chuir Pádraig Mhac Gatháin chuige sa bhliain 1842. Ní luaitear scríobhaí san *Hayes Cat.*, 648 col. c. Bhíodh istigh leis an lámhscríbhinn giota páipéir ar a raibh an t-ainm Pádraig Mhac Gatháin agus an dáta 28 Nollaig 1842 scríofa, ach is dóigh nach bhfuil i gceist anseo ach tagairt fáin, nó tagairt don té óna bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh a eiseamláir. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an dáta áirithe sin, ámh. Is eol dúinn go bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh lámhscríbhinn eile a bhí i gneuasach Phádraig Mhic Gatháin, LN G200 (b), lámhscríbhinn a ghraf Pádraig Ó Gallóglaigh (q.v.) idir na blianta 1822 agus 1823, agus a bhí i lámha Phádraig Mhic Gatháin chomh mall leis an mbliain 1842 (féach LN G200 (b), lch 60). Féach nóta 1523 thíos.

Níor ghraf Pádraig Mhac Gatháin ARÉ 24M10 (603), mar a thuairimítear san *R.I.A. Cat.*, 1915.

Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, foclóir plandaí agus lusanna, ‘Eachtra an Mhacaimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Cath Bearna Chroise Brighde’, búrdúin agus dánfhocail, [‘Deilín na mBacach’], ‘Cáineadh Whaley’, ‘Mac na Míchomhairle’, dánta cráifeacha, cuid de ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’. Dún gCuaile, Fochaird, An Lú 1820-4.<sup>1508</sup>

**ARÉ 24L31 (817).** Formhór di.<sup>1509</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Peadar Ó Doirín, Art Mac Cumhaigh, Séathrún Céitinn, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Niall Óg Mac Murchaidh, Muiris Ó Mocháin, [Toirdhealbhadh Mac Cumhaigh], Máire Nic a Liondain, Caitlín Bhán, [Cathaoir] Mac Cába, laoi fiannaíochta, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, dánta cráifeacha, ‘Do Phianta Púrgadóra’, comhairleacha, ginealas Naomh Pádraig, tráchtas staire, réibis, dánfhocail, ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’, ‘Beatha Mherlínó’, [‘Seacht Sólás na Maighdine Muire’]. Dún gCuaile, Fochaird, An Lú 1820-3.

**COBÁC M15.**<sup>1510</sup> ‘An Scáthán Spioradálta’. Dún gCuaile, An Lú.

**COFLA D3 (c, e-f).**<sup>1511</sup> ‘Tuireamh na hÉireann’, cleachtaí uimhríochta, filíocht Bhéarla. 1813, 1822.

---

<sup>1507</sup> Tá beagán de chuid 3 de ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’ i lámh gharbh nach fios dom cé a scríobh. Is féidir gur scríobh mac léinn a bhí á oiliúint ag Pádraig an chuid sin.

<sup>1508</sup> Tugann Pádraig Mhac Gatháin na dátaí seo in ARÉ 24L34 (815): an 16 Samhain 1820, lch 59; an 16 Iúil 1820, lch 81; an 24 Eanáir 1824, lch 113; an 16 Márta 1824, lch 135; an 8 Aibreán 1824, lch 152; an 17 Deireadh Fómhair 1824, lch 157; an 28 Deireadh Fómhair 1824, lch 164; an 30 Aibreán 1820, lch 224. Tugtar nóta ar lch 310 a léiríonn gur le Pádraig Mhac Gatháin an lámhscríbhinn ar an 7 Iúil 1835, ach is dóigh liom go mór nár scríobh Pádraig é féin an nóta sin.

<sup>1509</sup> Cé gur scríobh Pádraig Mhac Gatháin ARÉ 24L31 (817) bunús uilig, tugann na dátaí scríofa le fios nár scríobhadh go leanúnach ó thús deireadh í, an 16 Meán Fómhair 1820, lch 10; an 16 Nollaig 1820, lch 14; an 16 Feabhra 1821, lch 25; an 24 Feabhra 1821, lch 48; an 27 Feabhra 1821, lch 68; an 1 Márta 1821, lch 74; an 12 Aibreán 1821, lch 90; an 22 Meitheamh 1821, lch 118; an 29 Bealtaine 1822, lch 133; an 24 Meitheamh 1822, lch 137; an 24 Meitheamh 1821, lch 142; an 30 Meitheamh 1822, lch 174; an 11 Iúil 1822, lch 183; an 29 Nollaig 1822, lch 212; an 8 Eanáir 1823, lch 217; an 19 Eanáir 1823, lch 224; an 2 Márta 1820, lch 264; an 2 Márta 1820, lch [273].

<sup>1510</sup> Féach nóta 10 thuas.

<sup>1511</sup> Sé bhlogh atá in COFLA D3, agus tugtar COFLA D3 (a) – COFLA D3 (f) orthu. Pléadh na codanna uilig in Ó Fiannachta (1980), agus déanann sé amach gur scríobh Michael Bennett COFLA

**COFLA D14.**<sup>1512</sup> Ceisteanna matamaitice, búrdúin agus leaganacha Béarla díobh. Dún gCuaile, Fochaird, An Lú 1826-8.

**COFLA C4.** Formhór di. Foinn amhrán. Dún gCuaile, Fochaird, An Lú 1817-20.<sup>1513</sup>

**CM L11 (c).** Sleachta as foclóir Uí Bheaglaoich, dánta le [Tomás Ó Cléirigh, Art Mhac Bionaid],<sup>1514</sup> ‘Sailm na Marbh’, ‘Duan Uí Dhubhagáin’, ‘Comhairle Choluim Chille’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, autograf, búrdúin agus dánfhocail. 1823-8.

**CM L16(2).** Formhór di. ‘Réim Ríoghraidhe Érend’, dán le Seán Ó Neachtain, Toirdhealbhadh Óg Mac Donnchadha, Toirdhealbhadh Ó Miadhacháin, búrdúin agus dánfhocail, dán cráifeach. Dún gCuaile, Fochaird, An Lú 1843.

Áiríonn Breandán Ó Buachalla (1969: 26), sa phlé a rinne sé ar lámhscríbhinní Oiriaila, an scríobhaí Pádraig Mhac Gatháin taobh leis na scríbhneoirí Gaeilge ba thábhachtaí sa 19ú hAois, agus ba bhisiúil an scríobhaí é, mar a thuigfí ón liosta fada dá lámhscríbhinní a tugadh thuas. An méid sin ráite, is beag eolas atá ar fáil faoina

---

D3 (a), Pádraig Mhac Gatháin codanna (b-c, e-f), agus gur scríobh Mícheál Ó Tónair cuid (d). Tá codanna (a, c-f) uilig sínithe ag na scríobhaithe a luaitear leo, ach níl síniú le COFLA D3 (b). Scriosadh colafoin i gcuid (b) ar lgh 16, 23, agus ní féidir ainm an scríobhaí a léamh. Ba dhóigh le hÓ Fiannachta (1980: 8), ar scáth an nóta fáin ‘By Patrick Magahan’ ar lch 27 sa lámhscríbhinn, gurbh eisean a scríobh COFLA D3 (b). Is dóigh liom gur scríobh Éadbhard Ó hEachaidh COFLA D3 (b), ach go bhfuil an pheannaireacht sa chuid seo i bhfad níos cúramaí ná í siúd atá sa chuid is mó de na lámhscríbhinní eile atá againn i láimh Éadbhaird Uí Eachaidh. An nóta úd ar lch 27, ‘By Patrick Magahan’, is féidir gurbh é Pádraig Mhac Gatháin a scríobh é in aois a óige, óir tá cosúlacht áirithe idir an script agus peannaireacht COFLA D3 (f), a scríobhadh sa bhliain 1813. Ar an taobh eile den scéal, níor ghnás do Phádraig a ainm a scríobh ar an dóigh sin, ach mar ‘Patrick M<sup>c</sup>Gahan’. Níl ann, cibé rud é, ach nóta léitheora. Tá an bhliain 1820 i marc uisce an pháipéir.

<sup>1512</sup> Níl an lámhscríbhinn seo le haithint léi siúd a scríobh Aodh Ó Néill (*q.v.*) sa bhliain 1802 [i. COFLA MF9] agus ar a dtugtaí ‘Don. 14’ tráth. Féach an *Treoir.*, 25 n.41 §81(4).

<sup>1513</sup> Is é 1817 an dáta is mó a thugtar in COFLA C4, agus an ceann a luaitear i gcuntais Uí Fhiannachta (1980: 25) agus Ní Uallacháin (2003: 436), ach féach go dtugtar an bhliain 1820 i nóta tar éis an fhoinn ‘The Wind that Shakes the Barley’ san fhótastat in Ní Uallacháin (2003: 461).

<sup>1514</sup> Tá an dá dhán seo ag deireadh na lámhscríbhinne, ar lgh [133]-[134], agus scríobhadh iad, agus an dán Béarla ar lch [135], i bhfad tar éis na coda eile. Níl dáta leo, ach ceapadh an chéad dán le hArt Mhac Bionaid atá sa lámhscríbhinn, *D’imigh an t-iasc a bhí san Bhóinn*, c.1845. Féach an plé ar Art Mhac Bionaid thuas.

shaol, rud a d'fhéadfaí a rá i dtaobh na scríobhaithe uilig a bhíodh ag saothrú sa dúiche aduain sin, Dún gCuaile i dtuaisceart Cho. Lú. Thug sé a ghinealach dúinn in COBÁC M15, ach sracadh cuid den leathanach ar ar scríobh sé é den leabhar.<sup>1515</sup>

An lámhscríbhinn is sine atá againn ó pheann Phádraig, ní ábhar Gaeilge atá inti ach cnuasach beag d'amhráin Bhéarla, agus dátaí idir an 9 Bealtaine 1813 agus an 4 Samhain 1813 leo.<sup>1516</sup> Leanann bearna ceithre bliana an giota beag sin, agus an chéad ghiota eile atá againn uaidh—ní a tosaíodh ar a scríobh i nDún gCuaile idir mí an Mhárta 1817 agus mí Aibreáin 1817<sup>1517</sup>—is cnuasach ceolta atá ann: 'a small hardbacked book which would easily fit into a fiddle case' (Ní Uallacháin 2003: 437). Tá macsamhail de na foinn seo curtha i gcló cheana ag Ní Uallacháin (2003: 435-67),<sup>1518</sup> agus taispeánann na colafoin atá leis an saothar go raibh tús curtha ag Pádraig ar scríobh na Gaeilge a fhoghlaim. Is é 1820 an dáta is déanaí atá leo. Ba idir na blianta 1820 agus 1828 a ghraf sé an chuid is mó de na lámhscríbhinní atá againn uaidh, agus léiríonn cuid acu na ceangail a bhí aige le scoláirí eile ó theorainn Cho. Lú agus Cho. Ard Mhacha. Deir Pádraig linn, mar shampla, sa lámhscríbhinn ARÉ 24L34 (815), gur bhain sé dhá scéal inti as lámhscríbhinn a fuair sé ar iasacht ó Mhícheál Ó Tónair (*q.v.*) ó Bhaile na Lorgan, Co. Lú.<sup>1519</sup> Luaitear beirt fhear darbh

---

<sup>1515</sup> COBÁC M15, lch 207. Níl inléite den ghinealach anois ach: 'Iarna sgríobhadh le Padruicc Mac Ga<...> / Mhic (?) Gathan a nDuin g[C]uille, go tt<...> / as udar leis an Athar Nicolas Mac <...> / Caidh, 7 arna tabhairt uaim le <s? ...> / bhliaghain d(t)' Aois ar tTighearna <...>'.  
<sup>1516</sup> Tugtar trí dháta ann: an 9 Bealtaine 1813 (COFLA D3 (*e*), lch 9); an 9 Meitheamh 1813 (lch 11); an 4 Samhain 1813 (nóta imeallach ar lch 3). Shínigh Pádraig lch 8, agus tá an t-ainm 'Edward McGahan' leis an leathanach céanna. Is dóigh go raibh páirt éigin aige le Pádraig, ach ní fios dom cérbh é.

<sup>1517</sup> Féach Ó Fiannachta (1980: 25) agus Ní Uallacháin (2003: 439). Tá an dáta 1820 ar leathanach eile inti; féach Ní Uallacháin (2003: 461).  
<sup>1518</sup> COFLA C4. Thuairmigh Ní Uallacháin (2003: 436) go bhfreastalaíodh Pádraig Mhac Gatháin ar acadamh Uilliam Mhic Néill i Sr. Chlann Bhreasail, Dún Dealgan, agus gur fhoghlaim sé scríobh an cheoil ann.

<sup>1519</sup> Tá lámhscríbhinn na bliana 1792 cailte, ach is follas ó na colafoin i macleabhar Phádraig, ARÉ 24L34 (815), go raibh cóipeanna de 'Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife' agus de 'Eachtra an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine' inti, agus gur ghraf Aodh Ó Néill (*q.v.*) ó Iúr Chinn Trá í sa bhliain 1792.

ainm Patrick McGahan (Magahan) ar mhiontuairiscí an *Irish Society*: duine acu a bhfuil a ainm ar na rollaí pá idir mí na Samhna 1824 agus mí na Bealtaine 1827; thosaigh an dara duine acu a fháil díolaíochta ón gcumann i mí Feabhra 1826, agus bhí sé fós fostaithe acu nuair a ullmhaíodh an rolla pá is déanaí atá againn, an ceann don ráithe dar chríoch mí na Bealtaine 1827 (de Brún 2009: 365). Luaitear Thomas McGahan (Magahan) ar na rollaí idir mí Feabhra 1826 agus mí Feabhra 1827 (de Brún 2009: 366), ach ní fios dom goidé an pháirt a bhí aige, má bhí, le Pádraig. Níl tagairt do Phádraig i *Leabhair na nDeachúnaithe*, a ndearnadh an obair pháirce dóibh i nDún gCuaile sa bhliain 1827, ach d'fhéadfadh sé gur bhain sé le ceann de na teaghlaigh eile a cláraíodh i nDún gCuaile—Edward McGahan, James McGahan, Mathew McGahan, agus Joseph McGahan ‘& Part<sup>fs</sup>’.<sup>1520</sup> Ar ndóigh, ní bheadh taifead air mura raibh giota measartha mór talún aige, agus dhealródh sé nach raibh a leithéid ag cuid mhaith de na muinteoirí a bhí comhaimseartha leis. Máistir eile de chuid an *Irish Society* agus a bhain le tuaisceart Cho. Lú, ceaptar, ab ea Eoghan Ó Dúiche (*q.v.*), an té a chuir dán amháin le ARÉ 24L31 (817).<sup>1521</sup>

Ó tharla go bhfuair Pádraig díolaíocht ón *Irish Society*, bheifí ag déanamh amach gur mháistir scoile é, ach níl trácht air i d*Tuarascálacha* 1824 ná 1834. Tá leid eile ann, áfach, gur dóigh go raibh sé ina mháistir scoile thart faoin tréimhse 1826-8: leabhar beag matamaitice atá againn a scríobh sé le linn na mblianta sin. Cuimsíonn an

---

Déantar dhá thagairt don eiseamláir chailte seo in ARÉ 24L34 (815): luaitear ag deireadh ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’ gur críochnaíodh í an 24 Eanáir 1824 ‘... as labhair da chuid [= de chuid] Micsidh Uí Thoinnair, a sgríobheadh le Aodh O Neill san (n)Iubhair an bhliaghain dt’Aois ar tTighearna 1792’, lch 113; agus gur scríobhadh ‘Comhrac an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine’ an 16 Márta 1824 ‘... as labhair de chuid Mhicheal Uí Thonair a mBaile na Lurgna .i. do sgríobhadh re hAodh O Neill san Uibhair, an bhliaghan dt’Aois air tTighearna Mile, seacht ccead, nochad sa da [= dó]’, lch 135.

Is eol dúinn go raibh Aodh Ó Néill i dteagmháil le Seán Tancart ó Bhaile Átha Cliath, agus is féidir, ar an ábhar sin, gur shíolraigh an chóip de ‘Cath Bearna Chroise Brighde’ atá in ARÉ 24L34 (815) as lámhscríbhinn na bliana 1792 fosta. Maidir le Seán Tancart, féach Aguisín 16.

<sup>1520</sup> Tá mé deimhnitheach de nach féidir ‘and Pat<sup>k</sup>’ a léamh in ionad a bhfuil thuas; scríobhadh ‘and Partners’ i gclár eile a bhaineann leis an tréimhse chéanna.

<sup>1521</sup> ARE 24L31 (817), lch 109.

leabhar beag seo cleachtaí praiticiúla a bhaineann le cúrsaí triantánachta, tomhais, srl., agus iad curtha i bhfóirithint do rang bunscoile. Cé go bhfuil na cleachtaí uilig i mBéarla, tá giotaí beaga Gaeilge le fáil sna colafoin, agus tugann siad léiriú luachmhar ar an gcineál oideachais a bhíodh á chur ar fáil sna ‘scoileanna scairte’ sular bunaíodh na scoileanna náisiúnta a chuir deireadh leo. Tá cnuasach beag eile matamaitice in COFLA D3 (e) a scríobh Pádraig sa bhliain 1822. Bhí cóip den *Spiritual Rose* aige fosta lenar chuir sé a ainm ar an 16 Meitheamh 1826,<sup>1522</sup> agus tá, de bhreis ar na lámhscríbhinní atá ina láimh féin, sé lámhscríbhinn Ghaeilge eile a bhí i gcnuasach Phádraig ar coimeád in áiteacha éagsúla fosta.<sup>1523</sup>

Bhí sé ag cóipeáil lámhscríbhinní chomh mall leis an 20 Aibreán 1828, ach is dóigh gur éirigh sé as,<sup>1524</sup> b’fhéidir, nuair a thug an Eaglais Chaitliceach faoin gcumann sin go mór tuairim na bliana sin. Is doiligh é, mar aon lena lán dá chomhghleacaithe, a cheangal le déantús na lámhscríbhinní ar feadh cúpla bliain ina dhiaidh sin. Chuir sé nóta beag le ARÉ 24L34 (815) sa bhliain 1835,<sup>1525</sup> agus thug iarmháistir eile de chuid an chumainn, Uilliam Jordan (*q.v.*), lámhscríbhinn dó sa bhliain 1840 mar bhronntanas beag,<sup>1526</sup> ach is doiligh a chruthú go raibh baint aige lena scríobh ná lena gcnuasach arís go dtí mí an Mheithimh 1842; chuir sé inscríbhinní le cuid dá

---

<sup>1522</sup> Luaitear in de Brún (2009: 365) go bhfuil cóip d’eagrán na bliana 1820 i Roinn an Bhéaloidis, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, a bhfuil a ainm agus an dáta 16 Meitheamh 1826 scríofa uirthi.

<sup>1523</sup> Is féidir tuairisc a thabhairt ar chuid de na lámhscríbhinní le daoine eile a bhí i gcnuasach Phádraig: **(1) ARÉ 24M10 (603), 1842:** tá ainm Phádraig scríofa ar ARÉ 24M10 (603) faoin dáta Meitheamh 1842; \* **(2) CM L11 (a), 1840:** scríobh Uilliam Jordan (*q.v.*) CM L11 (a) dó sa bhliain 1840; **(3) CM L11 (b):** beagán breacadaíola i bpeannaireacht Phádraig uirthi; **(4) COFLA D1 (a), 1844:** chuir an tAth. Pádraig Ó Luain nóta léi sa bhliain 1844 (lch [i]) a thugann le fios gur le Pádraig Mhac Gatháin í an uair sin; **(5) LN G200 (b), 1842:** nóta ó Phádraig dar dáta 28 Nollaig 1842 (lch 60); **(6) LPBF 26, 1842:** nóta dar dáta 28 Nollaig 1842 (lch 39) i láimh Phádraig Mhic Gatháin.

\* Tá an leathanach ar a bhfuil seo scríofa, cúl lch 158, greamaithe do lch 158a sa dóigh nach bhfuil an nóta infheicthe ach trí lch 158a féin, agus tugtar an léamh seo san *R.I.A. Cat.*, 1916, ‘Pat McGahan’s book bought this 4th of May 1801’, ‘... June 1842’. Ní dóigh gur cheannaigh sé an leabhar sa bhliain 1801, áfach.

<sup>1524</sup> Scoir sé de COFLA D14 a scríobh sa bhliain 1828, nó is é an 3 Lúnasa 1828 (lch 133) an dáta is déanaí atá inti, ach is beag Gaeilge atá inti. Is é an dáta is déanaí atá in CM L11 (c) an 20 Aibreán 1828; féach CM L11 (c), lch [130].

<sup>1525</sup> Lch 310. Féach nóta 1508.

<sup>1526</sup> CM L11 (a). Féach an cuntas ar Uilliam Jordan i gCaib. 2.23, agus nóta 1523 thuas.



chnuasach an 28 Nollaig 1842,<sup>1527</sup> ionann is go raibh sé á dtabhairt do scoláirí eile ar iasacht. Dealraíonn sé gur thug Pádraig tamall de lámhscríbhinn do Roibeard Mac Ádhaimh lena hathchóipeáil sa bhliain sin.<sup>1528</sup> Thosaigh sé ar an lámhscríbhinn deiridh atá againn uaidh a chóipeáil an bhliain dár gcionn, 1843, ina bhfuil neart ábhair a baineadh as lámhscríbhinn eile le hAodh Ó Néill.<sup>1529</sup> Ní fios cé uaidh a bhfuair Pádraig an lámhscríbhinn sin. Is é an spléachadh indátaithe deiridh a fhaigheann muid air, tráthúil go leor óir bhí sé thar a bheith cúramach sa dóigh seo, nóta beag sealbhóra a cuireadh le COFLA D1 (a) am éigin sa bhliain 1844,<sup>1530</sup> ach d'fhéadfadh sé gur scríobh sé chomh mall le c.1845 dhá dhán isteach in CM L11 (c). Is dán de chuid Airt Mhic Bhionaid, ina dtugann sé feannadh do chumadóireacht Aodha Mhic Dhomhnaill [2], ceann acu seo.<sup>1531</sup> Dhealródh sé go raibh aithne ag Pádraig ar Art, nó go raibh eolas éigin aige air, óir leag Pádraig dán le Toirdhealbhadh Mac Cumhaigh go contráilte air in ARÉ 24L31 (817).<sup>1532</sup> Cheartaigh duine dá lucht cumainn, an tAth. Pádraig Ó Luain (*q.v.*), an botún sin, iarbhall eile den *Irish Society* dár thug Pádraig Mhac Gatháin an lámhscríbhinn COFLA D1 (a) a luadh thuas ar iasacht thart faoin mbliain 1844.<sup>1533</sup> Shínigh an tAth. Pádraig ARÉ 24L31 (817), agus tá ainm 'John Clarke, 1852' uirthi fosta.<sup>1534</sup> Fágann an méid seo go raibh aithne ag Pádraig ar gach scríobhaí Gaeilge mór le rá, beagnach, a bhí ag saothrú i ndeisceart Cho. Ard Mhacha agus i dtuaisceart Cho. Lú sa chéad leath den

<sup>1527</sup> Féach nóta 1523 thuas.

<sup>1528</sup> Féach nóta 1506.

<sup>1529</sup> As COFLA MF 9; féach Caib. 1.2.2.3, colafoin 63, 64.

<sup>1530</sup> Lch [i]. Féach nóta 1523 thuas.

<sup>1531</sup> Tá cóip Phádraig, nach luaitear i measc na bhfoinsí a ceadaíodh in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 119-21), in CM L11 (c), lgh [134-5].

<sup>1532</sup> ARÉ 24L31 (817), lch 192; féach an *R.I.A. Cat.*, 2546.

<sup>1533</sup> Deir Ó Fiannachta (1980: 1) gurbh é Pádraig Mhac Gatháin, b'fhéidir, a ghráf an nóta sealbhóra sa lámhscríbhinn sin a léiríonn gur leis í uair, ach is dóigh liom gur i bpeannaireacht an Ath. Pádraig Ó Luain atá an nóta sin. Dhealródh sé go raibh an lámhscríbhinn ar iasacht ag an Ath. Pádraig, agus gur chuir sé an nóta sin inti lena mheabhrú dó féin cér leis í.

<sup>1534</sup> ARÉ 24L31 (817), lgh 109, 151. Is é an tAth. John Clarke, S.P. Lú, Co. Lú, a shínigh an lámhscríbhinn. Bhí sé ina bhall den Ossianic Society, agus shínigh sé a ainm faoi dhó i nGaeilge sa bhliain 1862 sa *Chlár Baistí & Póstaí, Paróiste Lú*, 1831-73.

19ú hAois, ach is aisteach an ní é nach bhfuilim in ann a léiriú go raibh baint shonrach ar bith aige le haon bhall de scoil filíochta Airt Mhóir Uí Mhurchadha a bhí lonnaithe ar thaobh Phádraig de theorainn an dá chontae, ach amháin go raibh lámhscríbhinn a ghráf Pádraig Ó Gallóglaigh (*q.v.*) ina chnuasach aige.<sup>1535</sup>

Deir Ní Uallacháin (2003: 436) nach ndearnadh dearmad glan air sa chomharsanacht, nó áitfionn sí, ar údarás foinse nach eol dom, gur cheap cuid de sheanmhuintir na háite gur adhlacadh é i reilig na hUrnaí.<sup>1536</sup> Thriailíodh Pádraig dánta a chumadh i mBéarla agus i nGaeilge ar ábhair éadroma, an ceann seo ina measc,

A' Foilseadh Ainm an Sgriobhnoira  
Gach aon agaibh dar mian leis m'ainmsa d'fhag[h]ail faoi chum,  
gheabhar peith ar ttuis go sugach eiginteach grinn,  
ailm lena thaobh go sithmhal sotalach suarc  
7 duir gan sgioste go sionfar a n-aice leis suas.  
Biadh ruis a n-uagnis faoi ghruam 7 e 'silleadh go trom,  
's cha ttig basgadh air a ghruadh go luatar leis ur gach am;  
iogha ar shlidh cruatnis go luath a' teacht ana ndail  
7 is acmhunach fuam choll chruaidh 'teacht chucadh gan smail.  
Biadh muin air a chragh leis fein,  
gan ailm 7 coll go fonbhar a chur chuige le ceim;  
biadh goit 7 ailm a teacht go siomhal 7 uath leo ana luib  
7 ailm chan críoch ar a lionadhsa 7 nuin ar a chuil.  
When this you see, remember me  
when many a lague we distant be.<sup>1537</sup>

#### 2.74. Silbheastar Mhac Gibne, c.1796-1868

[Sylvester Gibney]

**ARÉ 24B18 (592).** Blogh di. Autograf. D'Eoin Mac Niocláis.<sup>1538</sup>

<sup>1535</sup> LN G200 (*b*). Féach nóta 1523 thuas.

<sup>1536</sup> Deir Ní Uallacháin (2003: 436): 'He is reputedly buried in Urney graveyard and older people in the locality can locate the house in which he may have lived'. Ní féidir teacht ar thagairt ar bith don scríobhaí i *Luacháil Griffith* sa pharóiste sin; luaitear an sloinne Magan cúpla uair.

<sup>1537</sup> CM L11 (*c*), lch 89.

<sup>1538</sup> Eoin Mac Niocláis (*al.* John A. Nicholson), M.R.I.A. (*c.*1799-1873) ó Bhaile an Rátha, Co. na Mí, tiarna talún agus bailitheoir lámhscríbhinní. Bhí MN B1 idir lámha aige tráth [? thart faoin am a raibh sí á cóipeáil ag Peadar Ó Gealacáin, 1827-8 [? 1829]]: 'John Nicholson of Belrath had this book and approves', MN B1 (*a*), lch 85. Ba eisean a bhronn idir 1865 agus 1866, trí lámhscríbhinn ar an Acadamh: (1) ARÉ 24B18 (592) le Silbheastar Mhac Gibne agus scríobhaí anaithnid (féach an cuntas

**C Add. 6561 (40).** ‘Eachtra agus Imtheacht an Mhadraidh Mhaoil’,  
‘Iacobides agus Carína’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Oidhe Chloinne Tuireann’,  
‘Oidhe Chloinne Lir’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Eachtra an  
Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, ‘Seachrán Chearbhaill Uí Dhálaigh’,  
dánfhocail. 1847-8.

**C Add. 6563 (42).** Blogh di. }  
**COBÁC A40.** Formhór di. } Laoithe fiannaíochta, dánta le Séamus Mac  
Cuarta, [Peadar Mag Ualghairg,<sup>1539</sup> Tomás Ó Cléirigh], Séathrún Céitinn,  
dánta diaga, ‘Comhrádh an Duine agus an Bháis’, ‘Críocha Déanacha an  
Duine’, ‘Cáineadh Whaley’, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Aisling Pheadair Uí  
Bhraonáin’, ‘Cáineadh Philip Uí Sceacháin’, ‘Bruidhean Chéise Corainn’,  
‘Bruidhean Eochaidh Béildeirg’, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an  
Choirp’, tráchtas ar an Aifreann. 1811-25.<sup>1540</sup>

---

ar Phádraig Mhac Gabhann i gCaib. 2.71 thuas)—bronnadh í ar an Acadamh an 1 Feabhra 1866, *R.I.A. Cat.*, 1869; (2) ARÉ 24C27 (599) le Pádraig Mhac Gabhann, sa bhliain 1865, *R.I.A. Cat.*, 1899; agus (3) ARÉ 24B4 (970) le Peadar Dubh Ó Dálaigh—a bhfuil leabharshuaitheantas Christopher Nicholson inti—ar an 13 Feabhra 1865, *R.I.A. Cat.*, 2783. Elizabeth Rebecca Nicholson a bhí ar a bhean, agus bhí cúpla páiste acu: Christopher Armitage Nicholson, Baile an Rátha, a rugadh an 17 Meitheamh 1825; Nathaniel Alexander Nicholson, Baile an Rátha, a rugadh an 12 Nollaig 1826; Catherine Nicholson, ‘5 Gt. George’s St. North’, a rugadh an 13 Aibreán 1829; John Hampden Nicholson, ‘39 Gt. George’s Street’, a rugadh an 27 Meitheamh 1831; William Newcome Nicholson, Baile an Rátha, a rugadh an 22 Bealtaine 1833; agus Gilbert Le Poulton Nicholson, Baile an Rátha, a baisteadh an 4 Bealtaine 1835. Ní ionaid bhreithe ach ionaid chónaithe na dtuismitheoirí atá i gceist thuas. Fuarthas an t-eolas seo i gCláir na mBaistí, *Paróiste San Seoirse* (Eaglais na hÉireann), Baile Átha Cliath. Cóipeanna dearbhaithe atá i dteastais Christopher Armitage, Nathaniel Alexander agus William Newcome, a cuireadh leis an gclár sa bhliain 1835. Dealraíonn sé go raibh dhá theach ag John Armitage Nicholson agus a bhean, an t-aolbhrú i mBaile an Rátha, agus teach baile i Sr. San Seoirse.

<sup>1539</sup> Tá dhá dhán le Peadar Mag Ualghairg in COBÁC A40, ach ní luaitear iad leis: (1) ‘Seoladh an Spailpín’—féach Ó Muirgheasa (1933: 141-7; 2015: 236-41, 306-9); (2) ‘Sagart Méise Charraig Leic’. Gheofar cóip den ‘Sagart Méise’ in Ó Muirgheasa (1916: 80-4), agus nótaí ar an bhfile, srl., in Ó Muirgheasa (1916: 167-9; 1933: 130-1, 135-40, 144-8, 175; 2015: 301-9, 325).

<sup>1540</sup> Maidir leis na dátaí sa dá chuid seo, scríobhadh C Add. 6563 (42), f. 25 (= COBÁC A40 (a), lgh 15-16, tráth) sa bhliain 1811; an chuid eile de COBÁC A40 (a) idir na blianta 1812 agus 1815; scríobhadh cuid (b) idir na blianta 1822 agus 1825; gabhann na dátaí 1815 agus 1819 le cuid (c).

**LB Add. 40767.**<sup>†1541</sup> ‘Him ar Bheatha Naomh Pádraig’, ‘Him ar Bheatha Naomh Brighde’.<sup>1542</sup>

Scríobh Silbheastar an chéad phíosá atá againn uaidh, cóip de ‘Laoi an Deirg’, i bhFómhar na bliana 1811 nuair a bhí sé thart ar 15 bliana d’aois, agus tá easpa taithí an scríobhaí le brath go tréan uirthi. Thosaigh Peadar Dubh Ó Dálaigh (*q.v.*) ar chóip Shilbheastair den téacs ‘Dán Shliabh Sióin’ a cheartú—mar ba nós leis riamh—ach d’éirigh sé as an iarracht go gairid ina dhiaidh sin, ag cur nóta, ‘This beautiful poem is not correct’, léi.<sup>1543</sup> Más fíor sin, is cnuasach thar a bheith luachmhar d’fhilíocht Cho. na Mí í COBÁC A40, lámhscríbhinn chomhshuite a bhí i gcnuasach Shéamuis Mhic Giolla Chomhghaill (*q.v.*) lá den saol, agus tá cuid mhaith ábhair inti nach bhfaightear ach go fíorannamh taobh amuigh den dúiche thart faoi Cheanannas. Is spéisiúil go gceadaíonn Silbheastar córas aisteach litrithe, a bhfuil macallaí d’ortagrafaíocht an Bhéarla ann, i gceannteidil na dtéacsanna amanna, agus tá cuid acu seo i script rómhánach aige.<sup>1544</sup> Molann iarracht filíochta i lámh eile é, ‘Mr Sylvester Gibney, a person of renown; a better writer I am sure could not be found’.<sup>1545</sup> Gabhann léaráidí garbha agus breacadaíl lena chuid scríbhinní, agus cé go bhfuil a chuid peannaireachta giota beag garbh in áiteacha, bíonn sí soléite i gcinnteacht. Bhí feabhas tagtha ar a chumas scríbhneoireachta faoin mbliain 1815,<sup>1546</sup> agus ba mhór an moladh a thug Standish Hayes O’Grady ar lámhscríbhinn

---

<sup>1541</sup> Ceann de na lámhscríbhinní a fuarthas i gclais, áit éigin cóngarach do Cho. na Mí nó do Cho. an Chabháin, sa bhliain 1899; féach Caib. 1.1.3.

<sup>1542</sup> Féach nóta 3616.

<sup>1543</sup> COBÁC A40 (*b*), lch 120.

<sup>1544</sup> COBÁC A40 (*b*)—‘Orha an Duradain’ (script ghaelach, tugtar an litriú ceart ‘ortha’ in áiteacha eile), lch 98; COBÁC A40 (*c*)—‘Blah na Batriarch’, lch 21; ‘Taivse Werleno’, lch 36; ‘Achtra na Wadriugh Waoil’ (script ghaelach), lch 62; ‘Mairthainn Veannaiy Phadruig’ (script ghaelach), lch 101. Féach fosta an colafón, ‘Airna sgríova le Silvester Mhac Gibne a mbliag[h]an d’Aois an Tigherna [1823]’, COBÁC A40 (*b*), lch 123.

<sup>1545</sup> COBÁC A40 (*c*), lch 115. Leanann an t-iniseal(?) ‘H.’ an méid seo. Creidim féin gur scríobh Hugh Nelson sin—féach go bhfuil a shíniú inléite áit eile ar an leathanach sin. Shínigh Thomas Monaghan an leathanach fosta.

<sup>1546</sup> Féach COBÁC A40 (*b*).

dhéanach dá chuid.<sup>1547</sup> Diomaite de gur mheas O'Grady (1892a: xii) gurbh as Co. an Chabháin do Shilbheastar, is deimhnitheach gur cheart d'Ó Muirgheasa (1916: 169) an uair a d'áitigh sé gur Mhíoch a bhí ann.<sup>1548</sup> Tugann a chuid lámhscríbhinní le fios gur Chaitliceach diongbhála é Silbheastar, agus dealraíonn sé gur bheag a mheas ar mhúinteoirí an *Irish Society*.<sup>1549</sup>

Phós sé Bridget Huges (*ob.c.*1837) i bparóiste Cheanannais an 24 Eanáir 1829.

Tháinig iníon leo, Bridget, ar an saol sa bhliain chéanna, agus baisteadh iníon eile, Mary, ar an 7 Bealtaine 1837.<sup>1550</sup> Cailleadh a bhean go gairid ina dhiaidh sin, agus phós sé Margaret Hoey<sup>1551</sup> ar an 22 Eanáir 1838 sa pharóiste céanna. Rugadh beirt pháistí dóibh, Rose (1839) agus James (1844).<sup>1552</sup> Máistir scoile a bhí ann, ar ndóigh, agus deir Ó Mórdha (2004: 80) gur chuimhin le Brian O'Higgins seandaoine thart ar dhúiche Chluain Mealláin ar chuimhin leo Silbheastar nuair a bhí sé ag teagasc sa chomharsanacht sin, cé nach bhfuil rud ar bith sa bheagán taifead atá againn air a thaispeánann gur chaith sé oiread agus lá dá shaol i gCluain Mealláin. Bhí sé ag

---

<sup>1547</sup> O'Grady (1892a: xii); gheofar cóip den nóta seo in de Brún & Herbert (1986: 83).

<sup>1548</sup> Fiche bliain ina dhiaidh sin, geall leis, scríobh Ó Muirgheasa (1934: 232) gurbh as Co. an Chabháin do Shilbheastar, agus níl a fhios agam goidé a thug air sin a áiteamh, ach go raibh an lámhscríbhinn a bhí faoi phlé aige, COBÁC A40, i gnuasach Shéamuis Mhic Giolla Chomhghail (*q.v.*) sa bhliain 1905 nuair a scríobh Ua Muirgheasa (1905*d*) cuntas uirthi.

<sup>1549</sup> de Brún (2009: 476). Féach fosta na dánta diaga agus na léaráidí cráifeacha in COBÁC A40.

<sup>1550</sup> Seo an iontráil a scríobhadh i gClár na bPóstaí, *Ceanannas*, 1791-1873:

‘24 [Eanáir 1829]. Silvester Gibney and Catherine Huges. W<sup>t</sup> Owen Swift and Betty Hoye’. D'éirigh liom na hiontrálacha seo a leanas a aimsiú i gClár na mBaistí, *Ceanannas*, 1791-1829; 1831-73. Tá bearnaí móra sa dara clárleabhar don tréimhse 1831-7.

‘<2>9 [Eanáir 1829]. Bridg of Silves Gibney & Cath Hug[es]. SS Bernar[d] Cafry & [...]’.

‘7<sup>th</sup> [Bealtaine 1837]. Mary D<sup>t</sup> of Silvester Gibney & Cath Hughes. Sp. Peter Hoye & Margt Hoey’.

<sup>1551</sup> D'fhéadfadh sé gurb ionann Margaret Hoey agus caras críost Mary Gibney, iníon Shilbheastair. Féach nóta 1550 thuas.

<sup>1552</sup> Clár na bPóstaí, *Ceanannas*, 1791-1873:

‘22 [Eanáir 1838]. Silvestrum Gibney & Margt Hoy. Wt. John Nulty & Mary Smith.

Clár na mBaistí, *Ceanannas*, 1831-73:

‘< > [Meitheamh 1839]. Rose of Sylvester Gibney & Margaret Hoey. Sp<sup>f</sup>. Edward Hicke(?) & Catherine Hoey’.

‘[ ]<sup>th</sup> [Iúil 1844]. B. Jacobum f<sup>is</sup> Sylvestri Gibney [ ]. Sp<sup>f</sup>. Patricis Reilly & Anna [...]’.

Ní féidir cuid den iontráil dheireanach a léamh mar gheall ar ruachan an pháipéir thrédhearcaigh a úsáideadh leis an gclár a dheisiú. Má scríobhadh na hiontrálacha san ord ceart, caithfidh sé gur céiliúradh an baisteadh idir an 4 Iúil 1844 (féach na hiontrálacha ar chúl an leathanaigh seo) agus an 9 Iúil 1844 (féach an chéad iontráil eile).

múineadh scoile i gCeanannas nuair a tiomsaíodh *Tuarascáil* 1834, 123a,<sup>1553</sup> agus tá an chuma ar an scéal gur chaith sé na blianta deireanacha dá shaol sa pharóiste sin.<sup>1554</sup> De réir na tuarascála, mhúintí Teagasc Críostaí na hEaglaise Caitlicí sa scoil agus bhí 38 ndalta ag freastal uirthi, agus a líon ag dul i laghad an t-am ar fad. Is i nDroim Bearach, Ceanannas, a bhí sé ag cur faoi nuair a rinneadh an obair pháirce faoi choinne *Luacháil Griffith* (1854). Galar croí a thug a bhás, an 19 Samhain 1868 ag an Droim Bearach, Ceanannas.<sup>1555</sup> Bhí sé ina bhaintreach fir an tráth sin, agus a iníon Rose Gibney sa teach leis.

## 2.75. Matha Mac Giolla, fl.1731-50

[Mathew McGill]

**C Add. 3085 (b) (10).** Formhór di. }  
**OB 7(3).** *Mionscannán.* } Laoithe fiannaíochta, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, ‘Buidhean Chéise Corainn’, ábhar cráifeach, giota de *Theagasg Criosdaidhe* Pulleine, filíocht le Séathrún Céitinn, ábhar eile i mBéarla. D’*Eoin Mac Giolla*, mac an scríobhaí. 1746-50.<sup>1556</sup>

Más fíor nár litreoir foirfe é Matha Mac Giolla, d’fhág sé againn cnuasach de laoithe fiannaíochta agus giotaí éagsúla atá thar a bheith spéisiúil agus neamhghnách.

Diomaite de go luaitear dátaí sna blianta 1746-7 i gcúpla áit, ba idir mí Dheireadh

Fómhair 1748 agus mí Eanáir 1749 a rinne Matha an chuid is mó den obair chóipeála,

<sup>1553</sup> Ní thugtar seoladh cruinn, ach go raibh an scoil i bparóiste Ceanannais; bhí 38 ndalta ar na rollaí. Bhí léamh agus scríobh, matamaitic agus an Teagasc Críostaí Caitliceach á dteagasc ann. Tá tagairt déanta don tuarascáil seo in O Casaide (1929c: 11).

<sup>1554</sup> Scríobhadh C Add. 6561 (40) ar chóipleabhair de chuid na Scoileanna Náisiúnta.

<sup>1555</sup> Cláraíodh teastas báis Silvester Gibney, máistir scoile, an 24 Samhain 1868 (*OAC*, Cláruimhir: 1868, Ráithe 4, Iml. 17, lch 589) i gCill Scíre, in Aontas Ceanannais. Fuair sé bás an 19 Samhain 1868 ag Droim Bearach in aois a 72 bhliain, más ceart an t-eolas a thug an faisnéiseoir, ‘Rose Gibney, Daughter’. Níl a fhios agam goidé an chríoch a tháinig ar Rose Gibney ina dhiaidh sin.

<sup>1556</sup> de Brún & Herbert (1986: 15-6). Gheofar a shíniú in OB 7(3), lch [187]. Tá cóip den lámhscríbhinn seo ar LN P.486.

agus sin dá mhac Eoin, a rugadh ar an 18 Lúnasa 1731.<sup>1557</sup> Thuigfí ó ábhar seachtrach eile atá istigh leis an lámhscríbhinn agus i láimh an scríobhaí go raibh taithí aige ar cháipéisí dlí a scríobh.<sup>1558</sup> Luann cuid de na dréachtaí seo logainmneacha in oirthear Cho. an Dúin; agus luann ceann acu—fógra deachún a scríobhadh an 27 Lúnasa 1748 chuig Patrick Dellany, Déan Dhún Phádraig—duine darbh ainm Margaret Magill ó \*Bhaile Donataidhe [Ballydonety],<sup>1559</sup> Co. an Dúin.<sup>1560</sup> Ní fios an raibh páirt aici leis an scríobhaí, ach is follas gur bhain Matha le háit éigin gar do Dhún Phádraig, agus go raibh an lámhscríbhinn idir lámha ag teaghlach dar shloinne Smith ón dúiche chéanna sna 1760í (de Brún & Herbert 1986: xviii col. a). Ní eile a cheanglaíonn an lámhscríbhinn leis an dúiche sin is ea gur scríobh Matha isteach inti cóip neamhiomlán de *Teagasg Criosdaidhe* Pulleine thart faoin am ar cuireadh eagrán na bliana 1748 de i gcló,<sup>1561</sup> agus gur ceanglaíodh léi duilleog fáin ar a bhfuil blogh de cheann de na seanmóirí a leagtar ar an duine céanna, an tAth. James Pulleine (*ob.c.*1776), Déan Dhroim Mór.<sup>1562</sup>

<sup>1557</sup> C Add. 3085 (b) (10), f. 100. Cuireadh an nóta ‘Is gear go ttoigfir mo leachta’ le f. 93, ach dealraíonn sé gur bhain sé an líne sin as dán éigin agus ní gá, mar sin, go dtugann sé eolas ar bith dúinn faoi shláinte an scríobhaí; féach OÉG H20 (a), lch 5, áit a bhfuil dán ina dtugtar an líne sin.

<sup>1558</sup> de Brún & Herbert (1986: xviii col. a). Gheofar na dréachtaí in C Add. 3085 (b) [10], ff. 102 (achainí faoisimh); 102v (tiomna John Smith, Tollenratty [? = Tulaigh Mhic an Reachtaí [Tullymacarath], paróiste Dhroim Mór, Co. an Dúin]; luaitear ‘Audlystown’ ann fosta, áit nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil dó); 115v (fógra deachún, \**Baile Donataidhe* [Ballydonety], paróiste an Dúin, Co. an Dúin, an 27 Lúnasa 1748); OB 7(3), lch [187] (cáipéis a bhaineann le Richard Denmer, ‘Ballyd[...]’ [= \**Baile Donataidhe* [Ballydonety]]).

<sup>1559</sup> Níl leagan oifigiúil Gaeilge ar fáil, ach is dóigh gurb é \**Baile Donataidhe* an leagan ceart Gaeilge, an fhoirm a tugadh do Sheán Ó Donnabháin le linn dó a bheith i mbun taighde sa dúiche sin sa bhliain 1834.

<sup>1560</sup> Féach de Brún & Herbert (1986: 20 col. a), agus nóta 1558.

<sup>1561</sup> C Add. 3085 (b) (10), ff. 95-99v.

<sup>1562</sup> Féach nóta 618. Is féidir gur cuireadh an duilleog sin isteach sa lámhscríbhinn de thaisme nuair a bhí Archer and Sons ag cur ceangal ar chuid mhaith de lámhscríbhinní Roibeaird Mhic Ádhaimh sa bhliain 1852, áfach. Tá giotaí eile de na seanmóirí seo i lámhscríbhinní eile de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh.

## 2.76. Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1]

ARÉ 23I10 (402).<sup>†</sup> Blogh di. Búrdún.

ARÉ 23I37 (422). Blogh di. Giota de ‘Seachrán Chearbhaill Uí Dhálaigh’.

Ní féidir mórán a rá i dtaobh an scríobhaí seo ach go raibh sé beo am éigin tar éis na bliana 1762,<sup>1563</sup> toisc gur chuir sé an nóta spéisiúil seo le ARÉ 23I37 (422) ar grafadh a mórchuid sa bhliain sin, taobh le hábhar a bhí sé féin tar éis a scríobh isteach inti, Tuig, a d[h]uine, gur gnathach *ceachtar* de 4 hainiarsmaibh ag *teacht ar d[h]uine do*. Bhí an lámhscríbhinn i seilbh Miles Goodman, Corr na hUamha, atá suite gar do bhaile Mhuineacháin, tráth.<sup>1564</sup>

## 2.77. Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2], *fl.*1794 [Terence Kerr]

COBÁC M13. Cuid di. Dán le Séamus Mac Cuarta.<sup>1565</sup> 1794.

Ní éasca meabhair a bhaint as na leaganacha Gaeilge agus Béarla a thugann an scríobhaí seo dá ainm féin, toisc go bhfuil an lámhscríbhinn dreoite go mór agus na sínithe Béarla agus Gaeilge a chuir sé léi geall le bheith doléite.<sup>1566</sup> Ba é Mícheál Ó Cathaláin (*q.v.*) a scríobh mórchuid na lámhscríbhinne seo, COBÁC M13, thart ar an mbliain 1795, agus is féidir gurbh as tuaisceart Cho. Mhuineacháin dó. Cé go raibh scríobhaí eile, Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1], ag saothrú [?] i gCo.

<sup>1563</sup> Dheisigh sé ARÉ 23I37 (422), lámhscríbhinn le hAodh Mac Conainn, 1762. D’fhéadfadh sé gur scríobh sé an t-áireamh dátaí (1782 – 1691 = 91) ar lch 15, a breacadh sa bhliain 1782, cé go bhfuil breacadaíl i lámha eile sa lámhscríbhinn.

<sup>1564</sup> Lch 22. Tá áit darb ainm ‘Cornehoe’ i gCo. Mhuineacháin, agus i gcóngar do bhaile Mhuineacháin. Ba dhearmad cló é an litriú ‘Counehoe’ san *R.I.A. Cat.*, 1136.

<sup>1565</sup> ‘Tuireamh Mhurchaidh Crúis’ atá ann.

<sup>1566</sup> D’fhéadfaí an léamh ‘Toirdealbhach Mhac ol Cear’ a dhéanamh ar an leagan Gaeilge. Léigh Énrí Ó Muirgheasa ‘Terence Reur’ ar an leagan Béarla (Ó Muirgheasa 1905*b*: 766, col. a). Tá na litreacha faoina bhfuil poncanna thuas doiléir sa lámhscríbhinn. Tá an litir *r* sa leagan Gaeilge de shloinne an scríobhaí giota beag cosúil le *s*, ach ní bheadh ciall leis seo, agus táim sásta gur féidir *r* a léamh anseo. Léim féin *K* lúbach in ionad an chéad *R* sa sloinne Béarla, de réir nósanna peannaireachta na 18ú hAoise, agus mar réiteach ar an bhfadhb seo, d’fhéadfaí glacadh leis an leagan Gaeilge ‘Mac (Gi)ol(la) C(h)ear’, ar leagan dearbhaithe é den sloinne ‘Mac Giolla Cheara’ (Kerr).



Mhuineacháin] sa dara leath den 18ú hAois, ní réitíonn peannaireacht a chuid lámhscríbhinní agus a bhfuil in COBÁC M13 lena chéile,<sup>1567</sup> ach is spéisiúil go litríonn siad beirt a n-ainmneacha go contráilte ar an dóigh chéanna, beagnach, agus go bhfuil baint ag cuid den ábhar a scríobh Mícheál Ó Cathaláin in COBÁC M13 leis na blúirí a ghráf Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1] in ARÉ 23I37 (422).<sup>1568</sup> Tharlódh sé go raibh páirt ghairid ag an mbeirt Toirdhealbhadh lena chéile,<sup>1569</sup> agus gurbh as Co. Mhuineacháin dóibh beirt.

**2.78. Séamus Mhac Giolla Choille, ob.c.1828<sup>1570</sup> [James Woods]**

**ARÉ 23L18 (554).** Blogh di. Obair dheisithe ar: ‘Eachtra na gCuradh’.

[1820].<sup>1571</sup>

**CM L16(1).**† Blogh di.<sup>1572</sup> Obair dheisithe ar: ‘Ceasacht Inghine Guile’.

<sup>1567</sup> Féach, ach go háirithe, an dóigh a scríobhtar an litir *e* in ARÉ 23I10 (402).

<sup>1568</sup> An téacs ‘Seachrán Chearbhaill Uí Dhálaigh’ atá i dtreis agam anseo. Féach Caib. 1.1.3.

<sup>1569</sup> Féach nóta 62 thuas.

<sup>1570</sup> Féach nóta 1599 thíos.

<sup>1571</sup> Féach an cuntas a thugtar ar an lámhscríbhinn san *R.I.A. Cat.*, 1718. Deir an Dr Séamus Mhac Giolla Choille ar lgh 109, 189, gur chuir sé clúdach úr ar an lámhscríbhinn sa bhliain 1820, agus is dóigh gur ag an am sin a scríobh sé lgh 1-7.

<sup>1572</sup> Na leathanaigh a dtugann Mac Labhraí (2013: 253) lgh 5-15 orthu. Tá sé chomh maith againn an nóta a thugann Mac Labhraí (2013: 253) a thabhairt ina iomláine, agus plé a dhéanamh ar CM L16, Tá trí lámh éagsúla le haithint sa LS seo: cuid i, lgh 5-15 i lámh anaithnid; cuid ii, lgh 16-227 i lámh Uí Phronntaigh; agus cuid iii, lgh 228-315 i lámh Phádraig Mhic Gatháin.

Dhá lámhscríbhinn ar leith atá i gceist ó cheart, lgh 5-227 (de réir áireamh leathanach Mhic Labhraí) sa chéad chuid, agus ábhar Phádraig Mhic Gatháin sa dara cuid. Díreach mar atá scríofa ag Mac Labhraí (2013: 353) cheana, tá lgh 1-4 ar iarraidh, agus is dóigh liom gur i láimh Shéamuis Mhic Giolla Choille atá lgh 5-15. Is ag deisiú na cóipe de ‘Ceasacht Inghine Guile’ a bhí sé, cóip a thosaíonn go haiceifileach ar lch 17 (i lámh Phádraig Uí Phronntaigh, 1760), óir stadann an próis i lár lch 15 (a bhfuil an chuid íochtair de gearrtha chun siúil le scian nó siosúr), ‘... is bronach, beagneartach lucht an toighe sinn uile &c.’, agus tosaíonn sé arís i lámh Phádraig Uí Phronntaigh díreach ag barr lch 17, ‘is brónach, beagneartach lucht an toighe sin uile, ...’

Níl lch 16 (cúl na duilleoige arb é lch 15 a haghaidh) i lámh Phádraig Uí Phronntaigh—níl i gceist ach giota beag d’iarracht eile ar an méid a bhí in easnamh den saothar a athscríobh (tá an méid di atá fágtha anois ar fáil fosta i lámh Phádraig Uí Phronntaigh ar lch 17), agus dhealródh sé go raibh sin ar chúl na duilleoige sin nuair a scríobh Séamus Mhac Giolla Choille ar an taobh eile di, óir tá deireadh an téacs gearrtha chun siúil, de bharr gur gearradh an leathanach díreach faoin áit ar scoir Séamus den scríobh ar an taobh eile. Tá an pheannaireacht ar lch 16 cosúil le stíl Éadbhaird Uí Eachaidh (*q.v.*), agus déarfainn gurbh eisean a scríobh. As sin amach, tá an chuid is mó den chéad chuid [an dara cuid in aicmiú Mhic Labhraí] i lámh Phádraig Uí Phronntaigh, ach amháin go bhfuil cúpla leathanach ag deireadh na coda i lámh Éadbhaird Uí Eachaidh. Aontaím le Mac Labhraí (2013: 253) i dtaobh na dara coda [an tríú cuid de réir Mhic Labhraí].

**COBÁC M18.**<sup>1573</sup> ‘Eachtra Mhacaoimh an Iolair’, iomarbhá idir Séamus Mac Cuarta agus Niall Óg Mac Murchaidh, ‘Beannughadh an Duine Bhoicht i dTigh na Scolóige’ [= ‘Deilín na mBacach’], dánta le Mailidh Nic a Liondain, Art Mac Cumhaidh, Pádraig Mac a Liondain, Peadar Ó Doirnín, Cathal Mag Ruaidhrí, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Lord Byron, autograif, ‘Buidhean Chéise Corainn’. Dún Dealgan, An Lú 1821-2.

Ba é Énrí Ó Muirgheasa (Morris 1904: 57; Morris 1915: 344; Ó Muirgheasa 1916: 157, 177; Ó Muirgheasa 1936: 386) an chéad duine a tharraing aird ar Shéamus Mhac Giolla Choille, an poitigéir ó Dhún Dealgan, toisc gur tharla an lámhscríbhinn COBÁC M18—agus cuid eile de pháipéir scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha, ina mbíodh Séamus páirteach—ina sheilbh; ach níor pléadh saol an fhile seo go mion go dtí gur fhoilsigh Ó Duibhginn (1972) cuntas air. Cuireadh eolas breise ar fáil faoi in Duffy (1989a) ina dhiaidh sin, agus tá plé gairid air in *Beath. 1782-1881*, 70 col. a – 70 col. b. Mar údar ‘Feartlaoi Airt Mhic Cumhaigh’ is mó atá iomrá air anois, ach bhí sé ina scríobhaí cumasach, ina aistritheoir, agus ina bhailitheoir lámhscríbhinní Gaeilge fosta.

Is beag atá ar eolas againn faoi na blianta luatha dá shaol, ach a bhfuil ag Nioclás Ó Cearnaigh in ARÉ 23E12 (769). Mar gheall ar an tomhas a rinne Nioclás ar aois Shéamuis ar uair a bháis-sean—cé go bhfuil cúpla ceist fós le freagairt faoin dáta báis a thugtar anseo—bheifí ag déanamh amach gur rugadh Séamus tuairim na bliana 1758. Deir Nioclás san áit chéanna gur rugadh i Loch Rois, Co. Ard Mhacha é agus

---

Bhí an chéad chuid ag Aodh Mhac Domhnaill [2] tuairim na bliana 1863 agus COFLA MF13 á scríobh aige (Mac Labhraí 2013: 257). As sin amach níl sé soiléir cá ndeachaigh an dá chuid ach gur tharla siad i seilbh James O’Lavery am éigin sular cailleadh é sa bhliain 1906. Ní gá go bhfuair sé go háitiúil iad—nó go raibh an dá chuid lena chéile an tráth a bhfuair sé iad, óir is soiléir gur le Seán Ó Dálaigh (*ob.* 1878), an díoltóir leabhar i mBaile Átha Cliath, cuid de lámhscríbhinní O’Lavery, m.sh., codanna de CM L1. Féach nóta 1756 thíos.

<sup>1573</sup> Tugtar cuntas ar ábhar na lámhscríbhinne seo in Ó Duibhginn (1972: 80-3).

go raibh seasamh éigin sa dúiche ag a thuismitheoirí.<sup>1574</sup> In ainneoin nach luaitear a n-ainmneacha i gcuntas Niocláis, is eol dúinn, mar gheall ar an leac uaighe a thóg Séamus i gcuimhne orthu sa Chreagán, gurbh iad Peter Woods (c.1721-1778) agus Rose Treanor (ob.1783) iad.<sup>1575</sup> Dhealródh sé gur cheart do Murray (1940: 11) a áiteamh gurbh é athair Shéamuis an Peter Woods a luaitear faoi Loch Rois i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1766.<sup>1576</sup> Deir Nioclás Ó Cearnaigh go raibh sé ar intinn ag Séamus dul le sagartacht ach gur chuir sé spéis i gcúrsaí leighis nuair a mheath ar a shláinte,

He was well educated and intended for the Church, but his constitution being found rather delicate for a long course of close study after he went to the continent, he was advised to apply himself to the study of physic, as the less onerous one by his friends.<sup>1577</sup>

Scríobhadh cuntas níos iomláine ar an gcuid seo dá shaol in Duffy (1989a), áit a dtugtar le fios gur chaith Séamus seal sa choláiste i Lobháin. Luaitear é uair amháin i dtaifid an choláiste faoin 15 Eanáir 1772, agus ní fios dúinn cá fhad a chaith sé ann. Is dóigh, áfach, go ligeann sin dúinn a dháta breithe a chur siar don bhliain 1752 ar a dhéanaí, cé gur tuigeadh do Nioclás Ó Cearnaigh gur rugadh é c.1758. Tomhas macánta a bhí ann arna bhunú ar an tuiscint go raibh Séamus tuairim is seachtó bliain d'aois nuair a d'éag sé an 6 Eanáir 1828, mar a deir Nioclás; tabharfar aghaidh ar an dáta báis féin ar ball.

---

<sup>1574</sup> 'James Woods, Esqr., M.D. of Dundalk... was born of highly respectable parents in the townland of Loughross near Crossmaglen in the County of Armagh about the year 1758', ARÉ 23E12 (769), lch 353.

<sup>1575</sup> Seo an inscríbhinn, de réir mar a chóipeáil beirt staraithe é, 'I.H.S. This stone was erected by Jas Woods in memory of his parents Mr Peter Woods of Loughross who died March the 25th 1778 aged 57 years; and Rose Treanor who made her exile June the ...th 1783' (McMahon & Ó Fiaich 1972: 315). Tugann siad I7 mar uimhir thagartha don leac.

<sup>1576</sup> Féach Murray (1934: 159), áit a dtugtar an t-ainm Peter Woods faoi Loch Rois, Co. Ard Mhacha.

<sup>1577</sup> ARÉ 23E12 (769), lch 353.

Níl mórán eolais ar fáil faoi bheatha Shéamuis don tréimhse idir 1772 agus 1792, ná ní dóigh gur scríobhadh ach beagán den fhilíocht atá againn óna lámh sna blianta sin. Agus muid ag plé le filíocht Shéamuis, is fiú a mheabhrú don léitheoir go bhfuil an chuid is mó di ar fáil in aon lámhscríbhinn amháin a ghráf Séamus (an Dr Mac Giolla Choille, mar a bhí air an uair sin) idir na blianta 1821 agus 1822, agus sna blianta a lean sin. Dhealródh sé gur cumadh a mbunáite sna blianta beaga roimh na dátaí sin, mar a thug Ó Duibhginn (1972: 15-16) faoi deara, sa dóigh go mbaineann formhór na ndánta dá dhéantús atá againn leis na blianta deireanacha dá shaol,

An saothar le Séamas Mac Giolla Choille atá san obair seo, baineann sé le blianta deireanacha shaol an údair, na blianta a raibh Dónall Ó Conaill agus a iarrachtaí ar mhaithe le faoiseamh a ghnóthú do Chaitlicigh i mbéal an phobail. ... Is ar éigean a tharlódh sé nach dtosódh fear a mbeadh bua na scríbhneoireachta aige ag cumadh go dtí go mbeadh sé ar tháirseach an bháis. Agus tá a mhalairt de chomhartha ann, 'Feartlaoi Airt Mhic Chúdhaidh', mar shampla.<sup>1578</sup>

Ciallaíonn sé sin nach bhfuil in COBÁC M18 ach meascán beag dánta a cheap Séamus in achar gearr ama ag deireadh a shaoil, agus gur chinn sé ar a gcur ar pháipéar taobh le gnáthábhar lámhscríbhinní na 19ú hAoise, m.sh. scéalta rómánsaíochta agus eile. Ní cnuasach cuimsitheach ná tomhaiste de dhánta Shéamuis í COBÁC M18 dá bhrí sin. Tá dán amháin istigh le COBÁC M18, cé gur cuid de lámhscríbhinn chaillte eile í ó cheart, a ceapadh tuairim is an bhliain 1773, an mhairgne a scríobh sé ar Art Mac Cumhaigh, ina dtugtar an 5 Eanáir 1773 mar dháta báis dó i gceann den dá chóip di atá againn. Má ceapadh é thart faoin am a bhfuair Art bás, dhealródh sé go raibh Séamus tar éis filleadh ó Lobháin faoi thús na bliana 1773, ach tá deacracht leis an dáta sin fosta. Níl an dáta féin ar taifead in autograf Shéamuis, ní atá istigh le COBÁC M18 anois, ach i lámhscríbhinn de chuid scoil

---

<sup>1578</sup> Ó Duibhginn (1972: 15-16).

Airt Mhóir Uí Mhurchadha, ARÉ 23B19 (495), agus ní bhfuair scoláire maith Gaeilge ó pharóiste an Chreagáin, an tAth. Pádraig Ó Luain, de neart ann féin tomhas a dhéanamh ar dháta báis Airt, cé go raibh an-aithne ag a athair ar dheartháir de chuid Airt, Toirdhealbhach Mac Cumhaigh.<sup>1579</sup>

Is é rud a thuill an teideal Doctor Woods dó gur chaith sé tréimhse ag déanamh staidéir le bheith ina phoítigéir san Apothecaries' Hall.<sup>1580</sup> Más fíor go ndeachaigh Séamus le leigheas nuair a d'fhill sé ar Éirinn ón mórthír, is dóigh go raibh sé ina phoítigéir ar feadh cuid mhaith blianta gan na cáilíochtaí a bheith bainte amach aige; níl a dhath ar bith ar eolas faoin tslí bheatha a bhí aige le linn na tréimhse seo, áfach. Fuair a thuismitheoirí bás ag an am sin, a athair sa bhliain 1778 agus a mháthair sa bhliain 1783. De réir taighde a rinne Ó Duibhginn (1972: 8) ar a bhfuil san Apothecaries' Hall de na seantaifid anois,<sup>1581</sup> tugadh teastas iontrála do James Wood ó Dhún Dealgan, Co. Lú, ar an 16 Samhain 1792 nuair a bhí an dá scór agus a dhúthracht istigh aige, agus bhí sé fós ann sa bhliain 1793, nuair a luadh arís é faoina ainm ceart, James Woods. Tharlódh sé gur chaith sé an chuid eile dá shaol i nDún Dealgan, áit ar shocraigh sé lena bhean, Anne ——— (c.1782-1859).<sup>1582</sup> Mar gheall

---

<sup>1579</sup> Féach Morris (1931).

<sup>1580</sup> Ní réitíonn an chuid seo de chuntas Niocláis Uí Chearnaigh leis na taifid atá ar fáil, ach tá éirim an scéil i gceart aige. Deir Nioclás Ó Cearnaigh, nó is é rud a thuigfí óna chuntas, go ndeachaigh Séamus le fisic chomh gasta agus a d'éirigh sé as a chúrsa staidéir i Lobháin. Léifí ar na taifid go ndeachaigh tuairim is fiche bliain thart nó gur fhreastail Séamus ar an Apothecaries' Hall lena chuid cáilíochtaí a bhaint amach.

<sup>1581</sup> Tugann Ó Duibhginn (1972: 8) nóta gairid orthu, agus tá neart acu ar fáil sa Leabharlann Náisiúnta ar mhionscannán anois; féach an *Hayes Cat.*, 173 col. b.

<sup>1582</sup> Ón uair a d'fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa (Morris 1915: 390) na nótaí ar Shéamus Mhac Giolla Choille a fuair sé ó William Tempest, glactar leis gurbh í Anne Woods, iníon Tyrrell, bean Shéamuis agus gur adhlacadh í i Reilig San Niocláis, Dún Dealgan, tar éis a báis sa bhliain 1859. Tugann an nóta clóbhuailte an t-eolas seo a leanas uirthi,

Mr. William Tempest, Dundalk, has kindly supplied me with the following further information. In the registers of Dundalk Protestant Church there is a record of the birth, in 1782, of Anne Woods née Tyrell, wife of James, apothecary. In the north-east of the churchyard, there is a raised tombstone "Erected to the memory of Mary, wife of George Tyrell, late of Dundalk, who died 17th March, 1815, aged 56 years. Also her sister Anne, relict of the late James Woods, apothecary, who died 28th May, 1859, aged 77 years."

Ó tharla go bhfuil an nóta sin giota beag trína chéile ó thaobh leagan amach, agus go bhfuil botún loighciúil ann, is fiú cóip lámhscríofa eile den eolas céanna a scríobh Énrí—tuairim is an 5 Aibreán

ar an mbearna mhór aoise a bhí eatarthu, is dóigh gur phós siad am éigin i dtús na 19ú hAoise, agus ní heol dom go raibh muirín acu, ná cár chuir siad fúthu go díreach sa bhaile sin.

Cheannaigh an Dr Mac Giolla Choille an lámhscríbhinn ARÉ 23L18 (554)<sup>1583</sup> sa bhliain 1820 ó fhear darbh ainm Labhrás Ó Marcaigh, agus dheisigh sé í, díreach mar a rinne sé le CM L16(1);<sup>1584</sup> bhí LN G869<sup>1585</sup> ina sheilbh tráth, mar aon le LPBF 6<sup>1586</sup> agus COBÁC M12,<sup>1587</sup> mar is follas ó na nótaí tráchta a chuir sé leo, nótaí a bhfuil ceisteanna fós le freagairt fúthu i gcás dhá cheann de na lámhscríbhinní sin.<sup>1588</sup> Ba eisean an té, fosta, a bhailigh cuid de na lámhscríbhinní a fuair Énrí Ó Muirgheasa i dteach iníon Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme (*q.v.*).<sup>1589</sup> Maidir lena shaothar scríbhneoireachta féin, bhí tuiscint measartha maith aige ar ortagrafaíocht

---

1915, ar cheann de na fordhuilleoga in COBÁC M18—a thabhairt anseo, an chuid de a luann an leac uaighe. Bhí an leac suite, de réir na dara coda den nóta, in oirthuaisceart na reilige, gar don bheistre, Wm. Tempest, Dundalk, supplied me with the following from the records of Dundalk Protestant Church, &c.; Anne Woods nee Tyrrell wife of James apothecary was born 1782. Apothecaries in those days were called ‘Doctors’. There was an Anne Woods in the parish in 1809—supposing she was the above, she would then be 27 years of age.

Fágann sé sin, in ainneoin go bhfuil malairt litrithe ar an sloinne Tyrrell, go dtéann sé seo go maith leis an alt, agus nach dóigh go ndearnadh botún clódóireachta agus é á chur le chéile. An chéad rud—is soiléir nár taifeadadh ar theastas baiste an Anne Tyrrell a rugadh sa bhliain 1782 gurbh é Woods a sloinne pósta, agus go gcaithfidh sé go bhfuil an t-eolas curtha le chéile ó thaifid éagsúla ag William Tempest anseo i ndiaidh dó taighde a dhéanamh ar an gceist. Is dóigh liom go bhfuil bearna loighice ann, áfach, mar gheall ar léamh gasta a rinneadh ar fhaisnéis na leice uaighe, gur ghlac sé leis gurbh ionann sloinne a deirféar, Mary Tyrrell, agus sloinne breithe Anne í féin. Ba chóir go mbeadh sé soiléir ón inscríbhinn féin nach é sloinne breithe Mary é Tyrrell ach sloinne a fir, George Tyrrell, agus nach bhfuil taifead anseo ar a sloinne breithe ná ar shloinne breithe a deirféar Anne, mar sin. Fágann sé sin nach aon ghar dúinn an tagairt do Anne Tyrrell a rugadh sa bhliain 1782. Is féidir gurb ionann an Anne Woods a raibh cónaí uirthi sa pharóiste sa bhliain 1809, agus bean Shéamuis. Theip ar Ó Duibhginn (1972: 8) an uaigh a aimsiú sa bhliain 1970. De dhéanta na fírinne, níl aon phioc eolais ann a dheimhneodh gur Phrotastúnaigh iad ar chor ar bith, ach go bhfuil uaigh Anne i reilig Phrotastúnach, agus, mar a scríobh Ó Duibhginn (1972: 8), nach ligí Caitlicigh isteach san Apothecaries’ Hall anallód gan diúltú don transubstantiú.

<sup>1583</sup> Féach nóta 2329 thíos.

<sup>1584</sup> D’athscríobh sé lgh 5-15. Féach nóta 1572 thuas.

<sup>1585</sup> Féach nóta 2329 thíos.

<sup>1586</sup> Ba eisean a chuir an teideal le ‘Marbhna Bhriain Mhig Mhathghamhna’ sa lámhscríbhinn sin. Féach nóta 2442.

<sup>1587</sup> Féach nótaí 2329, 3376 thíos.

<sup>1588</sup> Maidir leis na dátaí, srl., a chuir sé leis na lámhscríbhinní seo, féach nóta 2329 thíos.

<sup>1589</sup> COBÁC M12, a raibh cuid de COBÁC M18 istigh léi [an dá dhuilleog ar a bhfuil ‘Feartlaoi Airt Mhic Cumhaigh’ scríofa; féach Ó Muirgheasa (1905*b*: 766 col. a)], mar shampla.

na teanga, i gcomórtas lena lucht comhaoise, agus lámh iontach néata éadrom; ní cheadaíodh sé noda ach go fíorannamh.

Thug seisean, agus an tOir. Uilliam Mac Néill (*q.v.*), cúnamh do John Donaldson leaganacha Gaeilge de chuid mhaith logainmneacha i ndeisceart Cho. Ard Mhacha a réiteach nuair a bhí Donaldson ag gabháil do chuntas, *A Historical and Statistical Account of the Barony of Upper Fews* (1838), a scríobh ar an dúiche sin tuairim is an bhliain 1818.<sup>1590</sup> Nuair a cuireadh an leabhar sin uilig i gcló den chéad uair sa bhliain 1923, bhí an méid seo le rá ag an duine anaithnid a chuir eagar ar théacs na lámhscríbhíne sa bhrollach gairid a chuir sé leis:

Although [John Donaldson] was assisted by Dr Neilson, Dr Jas. Woods (of Dundalk), and a student in the Belfast Academy, many of the derivations cannot stand in the light of present-day knowledge.<sup>1591</sup>

Lena chothrom a thabhairt don scríobhaí, níor mhiste a lua gur admhaigh John Donaldson é féin gur roghnaigh na tiomsaitheoirí ‘the etymology that coincided most with the traditionary accounts handed down by ancient people, and also the local situation, aspect, &c. ... and they have added many new derivations to agree with the same, which they were enabled to do from their personal knowledge of the localities of the different denominations’ (Donaldson 1923: [iv]). Más fíor gur baineadh an chuid is mó de na leaganacha as an traidisiún beo, d’fhéadfaí a rá go bhfuil fiúntas éigin ag baint leo, mar sin. Thart faoin am céanna, c.1818, réitigh sé aistriúchán

---

<sup>1590</sup> Bhí cuid mhaith de réitithe faoin tráth sin, mar bhí sé á fhoilsiú de réir a chéile ar an *Newry Register* go dtí gur tháinig deireadh leis an bpáipéar sin sa bhliain 1819 (Donaldson 1923: [iii]).

<sup>1591</sup> Donaldson (1923: [iii]).

Béarla ar ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ do dhuine de mhuintir Shomhairle Uí Choltran, ní a fuarthas tuairim is tríocha bliain ó shin i bpáipéir an teaghlaigh.<sup>1592</sup>

As siocair go raibh ceangal láidir ag an Dr Mac Giolla Choille le lucht scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha, agus go raibh an-mheas ag Nioclás Ó Cearnaigh air, is éasca an Dochtúir a shamhlú leis an áibhéil agus samhaltacht ba shaintréith de chuid na scoile sin. Ní ceist dúinn gur nós dó, cosúil lena lán dá lucht comhaimsire, ról an eagarthóra agus an cheartaitheora a ghlacadh air féin agus ábhar á chóipeáil aige, ach is doiligh smaoinemh ar scríobhaí maith de chuid na 19ú hAoise nár thug cead a chinn dó féin uair nó dhó sa dóigh sin.<sup>1593</sup> Agus é ag cur ‘Deilín na mBacach’ i gcló as lámhscríbhinní éagsúla, thagair Énrí Ó Muirgheasa don chóip fhoclach den pháosa atá in COBÁC M18, agus an tuairim aige go ndearna Séamus buannaíocht air: ‘Níl mé cinnte nár bh’ é Mac ’ioll Choilleadh féin a chuir cuid de na h-aidiachtaibh sin isteach, óir ins an fhilidheacht a chum sé féin tá an nós sin aige .i. barraidheacht aidíacht a chur i n-úsáid’ (Ó Muirgheasa 1936: 386).

Ba í ‘Feartlaoi Airt Mhic Cumhaigh’ an dán ba thábhachtaí dár scríobh sé mar gheall ar a hábhar, cé go dtugann a chuid dánta uilig eolas spéisiúil dúinn ar chúrsaí a linne, agus luann ceann nó dhó acu scoláirí Gaeilge áitiúla nach mbeadh trácht orthu murach é, Domhnall Mhac na Bhall (*ob.*1822), mar shampla.<sup>1594</sup> Duine de lucht

---

<sup>1592</sup> Déantar plé ar an aistriúchán seo in Duffy (1987: 233). Ní thugtar dáta ann, ach tá an uimhir ‘1818’ i marc uisce an pháipéir. Maidir leis an teaghlach dár ceapadh é, féach an beagán eolais, agus na tagairtí, a thugtar i gCaib. 1.4.1.1, agus i nóta 1779.

<sup>1593</sup> Is mó d’eagrán úra atá i gcuid de chóipeanna Shéamuis; féach an méid a scríobh Ó Muirgheasa (1916: 139) faoi chóip Shéamuis den dán ‘Nansaidh Ní Dhuilleacháin’: ‘The ... version of verse VII. from W. [= COBÁC M18] is an example of how transcribers deliberately tampered with poems. The version in the text, which is probably the original one, has ua assonances, but in the following version [as COBÁC M18] these have all been changed into í assonance’. Ní féidir a bheith sásta, ar ndóigh, nárbh é scríobhaí na heiseamláire a d’úsáid Séamus a rinne na hathruithe seo.

<sup>1594</sup> Tá an mhairgne i gcló in Ó Duibhginn (1972: 74-6), a fuair in COBÁC M18 í. Cailleadh Domhnall Mhac na Bhall [? McNall, Mac Con Uladh ó cheart] i mí an Mheithimh 1822.



tacaithe Dhomhnaill Uí Chonaill ab ea Séamus,<sup>1595</sup> chan iontas, agus é báúil fosta leis na hÉireannaigh Aontaithe, mar a thuigfí ó dhánta a cheap seisean agus Art Mór Ó Murchadha ar Bheartomoin Ó Cathaláin, iarbhall, ar fhilleadh dó ar Éirinn c.1825 tar éis dó seal fada a chaitheamh ar díbirt.<sup>1596</sup>

Ba eisean agus Art Mór Ó Murchadha, an scoláire spéisiúil sin a raibh ‘scoil filíochta’ aige in aice le Baile Thomáis, Dún Binne, an bheirt fhilí ba mhó a ghlac páirt sna ‘hiomarbhánna’ a d’eagraigh lucht scoil Airt Mhóir tuairim is an bhliain 1825.<sup>1597</sup> Tá giota beag de shamhlaíocht bhisiúil dhoshrianta na scoile le brath ina chuid scríbhinní.<sup>1598</sup> De réir mar a chuimhnigh Nioclás Ó Cearnaigh ar chúinsí a bháis, cailleadh é ar an 6 Eanáir 1828; mura ceart an dáta seo, thig linn glacadh leis go bhfuair sé bás idir na blianta 1828 agus 1831.<sup>1599</sup> Sa Chreagán i gCo. Ard Mhacha a

---

<sup>1595</sup> Féach an dán, *A laoiréalta shubháilcigh, fáiltear linn*, a cheap sé ar Dhomhnall Ó Conaill. Tá sé i gcló in Ó Duibhginn (1972: 60-1) as COBÁC M18, autograf an údair.

<sup>1596</sup> Cheap sé dán air, *Sláinte fá bhrí don ardfhlaith atá i dtír*. Níl ach leagan amháin de ar fáil in COBÁC M17, an lámhscríbhinn as ar priontáladh é in Ó Duibhginn (1972: 51-2).

<sup>1597</sup> Féach an cuntas ar Art Mór Ó Murchadha i gCaib. 2.195 thíos.

<sup>1598</sup> COBÁC M12, lch 62: ‘Scriptum per me Jacobum Sylbhanum in opido Dundalkii, 1816’.

<sup>1599</sup> Is féidir go raibh an ceart ag Nioclás Ó Cearnaigh sa chéad áit—scríobh sé i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1846 (ARÉ 23E12 (769), lch 353) gur cailleadh an Dr Séamus Mhac Giolla Choille ar an 6 Eanáir 1828 in aois a 70 bliain. Níl aon amhras orm gur tomhas macánta é seo ar dháta a bháis, ar a mheasa; agus sa réamhrá atá leis an dréacht de na *Collectanea Grahamea* nó *Bardic Remains* atá in COBÁC M17 (a bhfuil an dáta 1834 léi), ceann de na dréachtaí den saothar sin a cuireadh le chéile idir c.1832 agus 1835 (Ó Buachalla 1965: 149-50 n.44), deirtear go bhfuair sé bás ‘a few years ago’, COBÁC M17, lch lxii. An cháipéis a thugann tacú don 6 Eanáir 1828 mar mheastúchán measartha cruinn ar dháta a bháis, léiríonn sí fosta go bhfuil sé cúpla mí nó bliain faoin gceart, b’fhéidir. Agus é ag trácht ar fhilíocht Airt Mhic Cumhaigh i litir chuig Seán Ó Dálaigh sa bhliain 1856, thagair an tAth. Pádraig Ó Luain do lámhscríbhinn a thug sé don Dr Mac Giolla Choille (Morris 1931: 415),

Before I went to college to France I had the most of Art McCooey’s songs in manuscript. I gave the manuscript to a Dr. Jas. Woods of Dundalk. [The] manuscript was covered with a part of a smith’s apron, and I often heard [that] Nicholas O Kearney, Esqr., got it after the death of Dr. James Woods while I was in France.

Deimhnítear an dáta ar imigh an tAth. Pádraig Ó Luain go Páras i litir a scríobh a shagart paróiste, an tAth. Michael Lennan, chuig an Ard-Easpag Patrick Curtis i mí na Bealtaine 1829(?), agus an méid seo le rá aige faoi theistiméireacht a fuair sé sula ndeachaigh sé,

I have known Patrick Lamb now student in Picpus previous to his going to that Seminary. I very distinctly recollect that in the summer of 28 he applied to Mr Murphy for a letter of recommendation ... The report of his present superior shews that he is already realizing the hopes that were entertained of him.

Tá cóip iomlán den litir seo sa chuntas ar an Ath. Ó Luain i gCaib. 2.186 thíos. Socraíonn sé sin dúinn gur fhág sé an baile idir, abrainis, mí na Bealtaine 1828 agus mí na Bealtaine 1829, agus ós rud é gurb eol dúinn gur fhíll an tAth. Ó Luain ar a dheoise roimh dheireadh na bliana 1831, fágann sé sin go raibh an Dr Mac Giolla Choille marbh faoin dáta deiridh sin. Is ar éigean is féidir go bhfuil an dáta seo thar a bheith míchruinn, agus is féidir linn glacadh leis an scéal mar a thugtar anseo é. Léamh

adhlacadh é, de réir nóta a chuir Nioclás Ó Cearnaigh i lámhscríbhinn a bhí á grafadh aige sa bhliain 1851;<sup>1600</sup> cuireadh a bhean lena deirfiúr i nDún Dealgan sa bhliain 1859.<sup>1601</sup>

**2.79. Domhnall Mac Giolla Chomhghaill, fl.1704-18** [Daniel Congall]<sup>1602</sup>

**CT H.4.13 (1354).** ‘Foras Feasa air Éirinn’, ginealaigh naomh, dánfhocail, tairngreachtaí, ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh’, laoithe fiannaíochta, nótaí staire, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, aoir, téacsanna Béarla agus Laidine. Doire Thairbh, Dún na nGall 1704, 1710-18.<sup>1603</sup>

Is beag eolas a thugann an lámhscríbhinn thuas dúinn i dtaobh an scríobhaí, ach go raibh sé i nDoire Thairbh, Co. Dhún na nGall, nuair a scoir sé de ‘Tuireamh na

---

amháin is féidir a dhéanamh ar ábhar na litreach, ó tharla nár chuala an tAth. Ó Luain faoi bhás an Dochtúra go dtí gur tháinig sé abhaile, is ea gur thug sé an lámhscríbhinn dó go gairid sular imigh sé; sin nó go raibh an Dochtúir fós ina bheatha an uair a d’imigh Pádraig—ciallaíonn sé sin gur féidir gur éag sé cúpla mí i ndiaidh mhí Eanáir 1828. Ar an taobh eile den scéal, bhí Nioclás mór leis an Dochtúir, agus is dóigh go gcuimhneodh sé go maith ar dháta báis carad, murab é gur chuimhnigh sé ar an dáta go contráilte an uair a ghráf sé an lámhscríbhinn tuairim is fiche bliain tar éis a bháis. Ó nach féidir teacht ar réiteach maidir leis an dáta seo Niocláis Uí Chearnaigh, chinn mé ar ghéilleadh dár chreid sé féin, agus ar c.1828 a thabhairt mar dháta báis don Dochtúir thuas, nó go bhféadfar an cheist a shocrú, más féidir í a shocrú choíche. Luann Leslie (1942: 115 col. b) gur cláraíodh tiomna James Woods ó Dhún Dealgan i nDroichead Átha sa bhliain 1839; más é an scríobhaí é an duine atá i gceist anseo, caithfidh sé go bhfuil meancóg éigin san innéacs seo, nó sna cartaí as ar tiomsaíodh é. Sin nó nár promhadh an tiomna ar uair a bháis, nó gur dhuine eile ar fad a scríobh an tiomna. Cailleadh an tiomna seo, go bhfios dom, i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí sa bhliain 1922.

<sup>1600</sup> ARÉ 23N33 (565), lch 42.

<sup>1601</sup> Féach nóta 1582 thuas.

<sup>1602</sup> Féach nóta 1603. Glacaim leis go dtugadh sé ‘Daniel’ (ar scáth an leagain Laidine) air féin i mBéarla, agus ní ‘Donald’ (< ‘Donaldus’).

<sup>1603</sup> Dhá shraith uimhrithe (de réir duilleog) atá sa lámhscríbhinn, ceann i bpionsal agus ceann eile (idir lúibíní) i ndúch. Chonaic mé na colafoin seo sa lámhscríbhinn, ach bhí codanna di geall le bheith doléite ar an mionscannán ar ar léigh mé í: (1) an 15 Meitheamh 1704 le ‘Domhnall Mac Giolla Comhaill’, f. 161 (162); (2) an 1 Nollaig 1711 ‘per ... Donaldum Congallum’, f. 202v (182v); (3) an 2 Iúil 1713 le ‘Domhnall Mac Giolla Comhghaill’, f. 224 (208); (4) an 17 Iúil 1713, f. 227 (211); (5) an 20 Lúnasa 1718 ‘per ... Danielem Congallum’, f. 228v (212v); (6) an [30] Meitheamh 17<...> le ‘Domhnall Mac Giolla Chomhghaill’, f. 230 (215); (7) an 9 Lúnasa 1714 ‘per Danielem Congallum’, f. 231v (216v); (8) an 18 Nollaig 1710 le ‘Dom[h]nall Mac Giolla Chomhaill a nD(h)oire Thairbh’, f. 175v (228v); (9) an 28 Deireadh Fómhair 1718 ‘per Danielem Congallum’, f. 182 (248); (10) an 22 Lúnasa 1715 ‘per Danielem Congallum’, f. 182v (248v). Tá nóta eile óna láimh ar f. 183 (249), áit a scríobhann sé a ainm i Laidin, ‘Donaldi Congalli’ (*gin.*).

hÉireann’ agus giotaí eile a scríobh ar an 18 Nollaig 1710.<sup>1604</sup> Is dóigh ó na dátaí a thugtar sa lámhscríbhinn, agus an méid bearnaí atá inti, nach bhfuil againn ach cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ dar dáta 1704 lenar ceanglaíodh bloghanna de lámhscríbhinní éagsúla, b’fhéidir, agus a grafadh go príomha idir na blianta 1710 agus 1718. Meascán de théacsanna Gaeilge, Béarla agus Laidine atá in CT H.4.13 (1354), an Ghaeilge chun tosaigh; agus thuigfí ón bpeannaireacht gur scoláire cumasach é Domhnall. Tá cuid de na laoithe siúd a fhaightear sna cóipeanna Ultacha go príomha de ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’ agus de ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh’ ar fáil leo féin i lámhscríbhinn Dhomhnaill (Ní Mhaoláin 2008: 37, 57, 61-2), agus thug O’Rahilly (1913: 189) le fios go bhfuil eachtra i leagan Dhomhnaill de ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’ a bhfaightear í den chuid is mó sna cóipeanna den scéal a grafadh in Oiriaila agus i mBréifne.

**2.80. Séamus Mac Giolla Chomhghaill,**<sup>1605</sup> c.1836-1917<sup>1606</sup> [James Coyle]

**SPM [1].** ‘Scéal Shéamuis a’ Réisidhe’. \*Dún gCoimín [Dungummin],<sup>1607</sup>

Baile Aodha, \*Droim Leathan [Drumlane],<sup>1608</sup> An Cabhán 1868.

**SPM [2].** Dánta le hAodh Mhac Domhnaill, Pól Ó Briain, Patrick Coyle,

agus dánta eile, giotaí de ghinealaigh. 1869.

<sup>1604</sup> Féach nóta 1603 thuas.

<sup>1605</sup> Bhaineadh sé úsáid as leaganacha áirithe dá shloinne ‘Séamus Mac Comhghaill’, ‘Séamus Ó Comhghaill’, srl.; tugtar an leagan ceartaithe dár úsáid sé féin nuair a scríobh sé SPM [1] agus SPM [2] thuas. Féach na leaganacha éagsúla a thugtar in Moore (1953-5a: 275).

<sup>1606</sup> Tugann Moore (1953-5a: 275) 1830-1916 mar shaolré an scríobhaí; agus tá an rud céanna i gcló in Mooney (1959: 113), ach is féidir linn a bheith sásta gur cailleadh é ar an 2 Meán Fómhair 1917, an dáta báis a thugtar ar a theastas báis. Féach nóta 1649.

<sup>1607</sup> Molann an Brainse Logainmneacha ‘Dún gCoimín Íochtarach’ agus ‘Dún gCoimín Uachtarach’, ó tharla go bhfuil an áit roinnte ina dhá bhaile fearainn anois, agus téim le ‘Dún gCoimín’, mar sin. Ní ainm deimhnithe é, áfach. Tugann Séamus Mac Giolla Chomhghaill é féin ‘Dúngimmín’ dúinn in SPM [1]; féach Moore (1953-5a: 275). Ós rud é go luaitear an logainm seo cuid mhaith sa chuntas seo, ní bhacaim leis an leagan Béarla a shonrú idir lúibíní.

<sup>1608</sup> Molann an Brainse Logainmneacha an fhoirm seo, ach ní foirm dheimhnithe í.

Is beag eolas atá ar fáil faoin duine seo, an scríobhaí dúchais deiridh de chuid an cheantair, ach an méid atá in Moore (1953-5*a*), Ó Mórdha (1958*d*; 2004: 80); agus in Mooney (1959). Scríobh Ua Muirgheasa (1905*d*; 1905*e*) cuntais ar chuid de na lámhscríbhinní a bhí i gcnuasach Shéamuis sa bhliain 1905.

Rugadh Séamus mac Phádraig Mhic Giolla Chomhghaill áit éigin i gCo. an Chabháin, is dóigh, sna 1830í.<sup>1609</sup> Bhí Gaeilge labhartha ag a dheartháir fosta,<sup>1610</sup> ní a thabharfadh le fios gur chainteoirí dúchais iad an bheirt acu; agus léifí ar chuid de na foirmeacha teanga atá i lámhscríbhinní Shéamuis gur shealbhaigh sé an teanga i bhfad sular thosaigh sé á scríobh, ach is dóigh fós go bhfuair sé cur amach éigin ar an litríocht scríofa in aois a óige. De réir na gcuntas a scríobh Mooney (1959: 113) agus Ó Mórdha (Moore 1953-5*a*: 275) ar Shéamus, d’fhoghlaim sé scríobh na Gaeilge ó dhuine muinteartha leis darbh ainm Patrick Coyle, Mynagh, Droim Lomáin, an té, b’fhéidir, a cheap an dán dar dáta 1825 atá in SPM [2].<sup>1611</sup> Diomaite de go bhfuil leaganacha comónta den scéal ag an mbeirt údar seo, an tAth.

Cainneach Ó Maonaigh agus an tOll. Séamus P. Ó Mórdha, is follas ó thagairtí in alt Mooney (1959: 113) go dtéann na cuntais uilig siar d’eolas a bhailigh deartháir Uí Mhórdha, Brian Ó Mórdha, ó James Coyle, Jr., Dún gCoimín, mac leis an scríobhaí, sa bhliain 1942. Dhealródh bunús láidir a bheith leis an mbéaloideas sin. Is eol dúinn ó nóta i lámhscríbhinn de chuid Shéamuis go dtugtaí Patrick Coyle (c.1790-1862) ar a athair, agus tá sé curtha ar pháipéar ag Ó Mórdha (1982: 54) gur dóigh gurbh é a athair é an Patrick Coyle sin a theagasc scríobh na Gaeilge dó. Ó tharla nach dtosaíonn na cláir baistí i bparóiste Chill Bhríde agus Chnoc Nuinseann agus i

---

<sup>1609</sup> Féach nóta 1606.

<sup>1610</sup> Féach nóta 1631 thíos, áit a bhfuil cuntas ar scéal a chuir Séamus i gcló sa bhliain 1903, ní a fuair sé óna dheartháir sa bhliain 1868.

<sup>1611</sup> Cuireadh an dán in eagar in Ó Mórdha (1958*d*: 273), agus tá nótaí teanga air in Ó Mórdha (1971). Ní féidir teacht ar leagan deimhnithe Gaeilge de ‘Moynagh’.

nDroim Lomáin Theas (nó Baile Mhic Aodha) go dtí na blianta 1832 agus 1837 faoi seach, agus nach gclúdaíonn na giotaí de *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1841, a tháinig slán an paróiste ina raibh cónaí ar mhuintir Shéamuis sna 1860í, theip orm teacht ar theastas baiste dó. Ar an taobh eile den scéal, deir Ó Mórdha (1958*d*: 273) áit eile gur ‘[r]ugadh agus tóigeadh Mac Comhghaill i bparaiste Bhaile Mhic Aodha ar bhruach Loch Síleann’, ach ós rud é nach luaitear sin sa chéad chuntas,<sup>1612</sup> ní fios dom cá bhfuair sé an t-eolas sin, murab é go ndúirt James Coyle, Jr. sin le Brian Ó Mórdha. Tá dealramh an chruinnis ar an ráiteas seo, ceapaim. Níl sa dáta breithe a thugtar thuas, c.1836, ach suimiú arna bhunú ar an aois a thugtar ar a theastas báis, agus is gnách nach mbíonn na haoiseanna seo beacht. Ba dhóigh le hÓ Mórdha (Moore 1953-5*a*: 275) gur rugadh Séamus sa bhliain 1830, figiúr atá iontach garbh, dar liom, ach deir sé san áit chéanna gur cailleadh Séamus sa bhliain 1916, ní nach bhfuil ceart. Más i muinín dátaí a thug James Coyle Jr. dá dheartháir a chuaigh Ó Mórdha anseo, dhealródh sé gur míchruinne iad ná an aois ar an teastas báis.

Is é an chéad taifead atá againn ar Shéamus a bheith ina bheatha a theastas pósta.

Phós sé Bridget Gaffney i bparóiste Chill Bhríde agus Chnoc Nuinseann ar an 15

Feabhra 1860;<sup>1613</sup> agus, de réir áireamh Shéamuis, rugadh aon duine dhéag de pháistí

dóibh. Fuarthas tuairisc ar dheichniúr acu i gcláir baistí an pharóiste.<sup>1614</sup> Rose Anne

<sup>1612</sup> Is é Moore (1953-5*a*) an t-alt atá ar intinn agam.

<sup>1613</sup> *Clár Baistí & Póstaí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh*, 1832-64:

‘15 [Feabhra 1860]. Married *James Coyle* to *Bridget Gaffney*. Present Edw<sup>d</sup> Connolly & Rose Lynch’.

Ní hionann sin agus a rá go raibh cónaí air sa pharóiste sin sular phós sé Bridget. Is gnách suas go dtí ár linn féin i gcuid mhaith áiteacha an pósadh a cheiliúradh i bparóiste dúchais na brídeoise.

<sup>1614</sup> Baisteadh na páistí seo idir na blianta 1861 agus 1879, agus taifeadadh an chéad bheirt pháistí, Rose Anne (1861) agus Catherine (1863), i g*Clár Baistí & Póstaí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh*, 1832-64, nach bhfuil ann ach clárleabhar de pháipéar bán gan rialú inar scríobhadh na taifid bhaiste agus phósta. Tugtar eolas i dtaobh Rose Anne (1861) agus Catherine (1863) i nótaí 1615, 1616.

Baineadh úsáid as clárleabhar úr, *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh*, 1864-81, ó thús na bliana 1864 ar aghaidh, ina bhfuil na hiontrálacha scríofa ina gcolúin. Tugtar taifid bhaiste John (1865), Maria (1866), Bridget (1869), Patrick (1870), James (1873), Mathias (1874), John (1876), agus Thomas (1879) sa chláirleabhar sin. Tugtar na sonraí san ord seo: (a) Cláruimhir, (b)

(1861),<sup>1615</sup> Catherine (1863-1884),<sup>1616</sup> John (1865),<sup>1617</sup> Maria (1866),<sup>1618</sup> Bridget (1869-1885),<sup>1619</sup> Patrick (1870),<sup>1620</sup> James (1873),<sup>1621</sup> Mathew nó Mathias (1874),<sup>1622</sup>

---

Céadainm, (c) Sloinne, (d) Dáta breithe, (e) Ainmneacha na dTuismitheoirí, (f) Ionad Cónaithe, (g) Dáta baiste, (h) Ainm an tSagairt, (i) Ainmneacha na gCaras Críost. Tá an dúch tréigthe i gcuid mhór de na hiontrálacha sa leabhar seo agus d'fhéadfadh sé gur fhág mé iontráil nó dhó i mo dhiaidh, in ainneoin mo dhíchill. Thosaigh an stát ar chlárú breitheanna ar an 1 Eanáir 1864, agus tá teastais bhreithe ar fáil don ochtar páistí thuas, ina bhfuil cuid mhaith eolas breise. Tugaim faisnéis na dteastais breithe a cláraíodh leis an stát fosta de réir colún: (1) Uimhir, (2) Dáta agus Ionad Breithe, (3) Ainm (má thugtar), (4) Gnéis, (5) Ainm, Sloinne agus Ionad Cónaithe an Athar, (6) Ainm, Sloinne agus Sloinne Breithe na Máthar, (7) Céim, Gairm nó Slí Bheatha an Athar, (8) Ainm, Sloinne, Cáilíocht agus Ionad Cónaithe an Fhaisnéiseora, (9) An Dáta a Cláraíodh, (10) Síniú an Chláraitheora. [Cláruimhir]. Tugtar na taifid i nótaí 1617-1624.

<sup>1615</sup> *Clár Baistí & Póstaí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh, 1832-64:*

1. '27 [Deireadh Fómhair 1861]. Bap. Rose Anne D. of James Coyle and Bridget<sup>†</sup> Gaffney. S. Marg<sup>†</sup> Gaffny'.

Tugtar eolas ar na taifid seo i nóta 1614 thuas.

<sup>1616</sup> *Clár Baistí & Póstaí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh, 1832-64:*

2. '22 [Samhain 1863]. Bap. Cath D. of James Coyle & Bridget Lynch [sic]. S. Anne Lynch'. Féach nóta 1644 i dtaobh a báis.

<sup>1617</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh, 1864-81:*

3. (a) 96. (b-c) John. Coyle. (d) 23 Decem. [1865]. (e) James Coyle, Bridget Gafney. (f) Dungimmon. (g) 24 December [1865]. (h) David Hamrock. (i) Bridget Hanlon.

Teastas breithe: (1) 340. (2) Twenty third December 1865 Dungimmon Kilbride. (3) John. (4) Male. (5) James Coyle Dungimmon. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) Teacher. (8) James Coyle Father Dungimmon. (9) Twenty eighth December 1865. (10) Thomas Mawhinny Registrar. [OAC, Cláruimhir: 8149666].

Tugtar eolas ar na taifid seo i nóta 1614 thuas.

<sup>1618</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh, 1864-81:*

4. (a) 88. (b-c) Maria. Coyle. (d) 17 December [1866]. (e) J<...> C<...>, <...> Gaffney. (f) Dungimmon. (g) 18 (?) December [1866]. (h) W. Fagan. (i) Kate H<e ...> Iontach doiléir.

Teastas breithe: (1) 13. (2) Eighteenth December 1866 Dungimmon Kilbride. (3) Maria. (4) Female. (5) James Coyle Dungimmon. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) Teacher. (8) James Coyle Father Dungimmon. (9) Twenty Seventh December 1866. (10) Thomas Mawhinny Registrar. [OAC, Cláruimhir: 8300552].

<sup>1619</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh, 1864-81:*

5. (a) 10. (b-c) Bridget. Coyle. (d) 4 February [1869]. (e) James Coyle, Bridget Gaffney. (f) Dungimmon. (g-i) Ar iarraidh.

Teastas breithe: (1) 411. (2) Fourth February 1869 Dungimmon Kilbride. (3) Bridget. (4) Female. (5) John [sic] Coyle Dungimmon. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) Schoolmaster. (8) Kate Mullen present at birth Mount Pallas. (9) Eleventh February 1869. (10) Thomas Mawhinny Registrar. [OAC, Cláruimhir: 8219106].

Féach nóta 1645, áit a bhfuil roinnt eolais faoina bás.

<sup>1620</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh, 1864-81:*

6. (a) 1. (b-c) Patrick. Coyle. (d) 31 December [1870]. (e) James Coyle, Bridget Gaffney. (f) Doiléir. (g) 1 January [1871]. (h) M. Loughlin. (i) Rose Coyle.

Teastas breithe: (1) 253. (2) Thirty first of December 1870 Dungimmon Castlerahan. (3) Patrick. (4) Male. (5) James Coyle Dungimmon. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) Farmer. (8) James<sup>his</sup> x<sup>mark</sup> Coyle Father Dungimmon. (9) January Twenty fourth 1871. (10) A F Barnes M D Registrar. [OAC, Cláruimhir: 11712416].

Bheadh amhras mór orm gurbh é Séamus a thug na sonraí an uair seo.

<sup>1621</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh, 1864-81:*

7. (a) 1. (b-c) James. Coyle. (d) 9 January [1873]. (e) James Coyle, Bridget Gaffney. (f) Bally—(?). (g) 10 January [1873]. (h) E. Cooke. (i) Mary Reilly.

Teastas breithe: (1) 156. (2) January ninth 1873 Dungimmin. (3) James. (4) M. (5) James Coyle Dungimmin. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) Schoolmaster. (8) Rose Anne<sup>her</sup> x<sup>mark</sup>

John (1876-1880),<sup>1623</sup> agus Thomas (1879).<sup>1624</sup> Ní raibh ach triúr acu beo sa bhliain 1911.<sup>1625</sup> D'éag athair Shéamus, Patrick Coyle, sa bhliain 1862, de réir nóta a chuir Séamus isteach i lámhscríbhinn dá chuid,<sup>1626</sup> agus, ó tharla gurbh as Baile Mhic Aodha do dheartháir le Séamus, is féidir gurbh é athair Shéamus an Patrick Coyle a bhfuil tuairisc a bháis i gclár pharóiste Dhroim Lomáin Theas (Baile Mhic Aodha) faoin 31 Bealtaine 1862.<sup>1627</sup> Is sa bhliain chéanna a fheiceann muid na chéad tagairtí cruinne atá againn do Shéamus a bheith ina bhailitheoir lámhscríbhinní: chuir sé a ainm le Coyle 2 an bhliain sin. Seanlámhscríbhinn a bhí in Coyle 2, agus ní fios cé uaidh a bhfuair sé é. Féach gur luaigh sé in Coyle 5 sa bhliain 1882 go raibh sé ar intinn aige le fiche bliain an téacs 'Fís Mherlino' a aistriú go Béarla.<sup>1628</sup> Bhí sé ina

---

Coyle present at birth Dungimmin. (9) January twenty Seventh 1873. (10) John J. Lough Registrar. [OAC, Cláruimhir: 10739182].

<sup>1622</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh*, 1864-81:

8. (a) 69. (b-c) Mathew. Coyle. (d) 15 Dec. [1874]. (e) James Coyle, Bridget Gaffney. (f) Dungimmon. (g) 16 Dec. [1874]. (h) T. McCormick. (i) Rose Anne Coyle.

Teastas breithe: (1) 49. (2) December Sixteenth 1874 Dungimmin. (3) Mathias. (4) M. (5) James Coyle Dungimmin. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) School Teacher. (8) Rose Anne<sup>her</sup> x<sup>mark</sup> Coyle present at birth Dungimmin. (9) January twenty fifth 1875. (10) John J Lough Registrar. [OAC, Cláruimhir: 8637871 (faoin mbliain 1875)].

<sup>1623</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh*, 1864-81:

9. (a) 82. (b-c) John. Coyle. (d) 8(?) Dec. [1876]. (e) James Coyle, Bridget Gaffney. (f) Dungimmon. (g) ———. (h) Patk Briody. (i) Rose Coyle.

Teastas breithe: (1) 404. (2) December Sixteenth 1876 Dungimmin. (3) John. (4) M. (5) James Coyle Dungimmin. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) Schoolmaster. (8) Kate<sup>her</sup> +<sup>mark</sup> Coyle present at birth Dungimmin. (9) January eighth 1877. (10) John J. Lough Registrar. [OAC, Cláruimhir: 9845138 (faoin mbliain 1877)].

Féach nóta 1643 i dtaobh a bháis.

<sup>1624</sup> *Clár na mBaistí, Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh*, 1864-81:

10. (a) 46. (b-c) Thomas. Coyle. (d) 9 [Iúil 1879]. (e) James Coyle, Bridget Gaffney. (f) Dungimmon. (g) 9 [Iúil 1879]. (h) R. Lynch. (i) John Sheridan, Kate M<sup>c</sup>Cabe.

Teastas breithe: (1) 342. (2) 1879 July ninth Dungimmin. (3) Thomas. (4) M. (5) James Coyle Dungimmin. (6) Bridget Coyle formerly Gaffney. (7) School-teacher. (8) Mary<sup>her</sup> +<sup>mark</sup> Gibney present at birth Dungimmin. (9) July Fourteenth 1879. (10) R.G. Loverock Registrar. [OAC, Cláruimhir: 11280985].

<sup>1625</sup> *Daonáireamh na hÉireann*, 1911, foirm theaghlach Shéamus Uí Chomhghaill, Droichead Uí Dhálaigh i bparóiste Chill Bhríde, Co. an Chabháin.

<sup>1626</sup> Luaitear bás a athar sa chuntas a scríobh Énrí Ó Muirgheasa ar Coyle 4, 'Remainder of book written from the back. A note records the death of Patrick Coyle, father of Scribe, in 1862, aged 72 years' (Ua Muirgheasa 1905e: 836 col. a).

<sup>1627</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlactaí, Droim Lomáin Theas*, 1837-73, 'Maii 31 [1862]. Obiit Patritius Coyle [£]5.6.4'.

<sup>1628</sup> Gheofar an nóta seo sa chuntas a tugadh ar Coyle 5 in Ua Muirgheasa (1905e: 836 col. b): 'He says he "had it in his head" for 20 years to translate "Merlino," and he fulfilled his resolve in 1882'.

mháistir scoile chomh fada siar leis an mbliain 1865,<sup>1629</sup> agus chuir sé tús leis an lámhscríbhinn is luaithe dá chuid a bhfuil eolas againn uirthi in 1868. Máistréas scoile a bhí ina bhean, Bridget, fosta, ach ní fios dom cá fhad a lean sí an ghairm sin. Cosúil lena lán eile de na scríobhaithe deireanacha, bhí taithí aige ar litríocht an Bhéarla, agus rinne sé cuid mhaith iarrachtaí téacsanna Gaeilge a aistriú.<sup>1630</sup>

Ó tharla gur cailleadh formhór na lámhscríbhinní a ghráf Séamus tar éis a bháis sa bhliain 1917, tá sé de dhea-ádh orainn gur fhág Énrí Ua Muirgheasa (1905*d*; 1905*e*) againn cuntas ar sheacht lámhscríbhinn a bhí i gcnuasach Shéamuis *c.*1905.

Seanleabhair a bhí in dhá cheann acu, Coyle 1 agus Coyle 2; ghráf Séamus na cinn eile idir na blianta 1869 agus 1900. Aistríodh Coyle 1, an chéad lámhscríbhinn sa chatalóg, ó oifigí Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath go dtí Leabharlann na bProinsiasach sa bhliain 1954: COBÁC A40 atá uirthi anois. Chonaic muid thuas gurbh é Silbheastar Mhac Gibne (*q.v.*) a ghráf na codanna éagsúla di idir na blianta [1811] agus 1825. D'éirigh le Brian Ó Mórdha, deartháir Shéamuis Ph. Uí Mhórdha, dul i dteagmháil le James Coyle, Jr., mac leis an scríobhaí, sa bhliain 1942, agus bhí dhá lámhscríbhinn de chuid a athar fós aige mar sheod fine. Bhronn James ar Bhrian iad, agus diomaite de gur grafadh iad thart faoin am céanna (1868-9) agus a grafadh Coyle 3 agus Coyle 4, níl trácht orthu i gcatalóg Uí Mhuirgheasa (1905*d*; 1905*e*).

Fágann sin nach bhfuil againn ach cuntas neamhiomlán ar pháipéir an scríobhaí sa dá chatalóg sin.

---

<sup>1629</sup> Féach an t-eolas a thugtar i nótaí 1617-1624 ó theastais bhreithe a chuid páistí, iad siúd a rugadh idir na blianta 1865 agus 1879.

<sup>1630</sup> D'ullmhaigh sé aistriúcháin Bhéarla ar na téacsanna seo a leanas: 'Beatha Phádraig', sa bhliain 1872 (Coyle 4); 'Fís Mherlino', sa bhliain 1882 (Coyle 4); rann diaga a bhfuil leagan eile de sa *Pious Miscellany*, *c.*1882 (?) (Coyle 4); 'Eachtra an Mhadra Mhaoil', 1900 (Coyle 7). Gheofar cuntais ar Coyle 4 agus Coyle 7 in Ua Muirgheasa (1905*e*).



Ba óna dheartháir, ——— Coyle ó Bhaile Mhic Aodha, a fuair Séamus an chóip de ‘Scéal Shéamuis a’ Réisidhe’ atá in SPM [1], agus an dáta 30 Eanáir 1868 léi.<sup>1631</sup> Is meascán ceart an dara lámhscríbhinn, SPM [2], a scríobhadh i gcóipleabhar clólinithe de chuid na Scoileanna Náisiúnta: tá an 27 Lúnasa 1869 mar dháta léi áit amháin. An mhairgne a cheap Aodh Mhac Domhnaill [2] ar an Dr Séamus Mac Domhnaill, más fíor gur mar gheall ar chóip de a bheith sa lámhscríbhinn a tuigeadh d’Ó Mórdha (2004: 80) go raibh aithne ag Séamus Mac Giolla Chomhghaill ar Pheadar Ó Gealacháin (*q.v.*), caithfear cuimhneamh air gur scaipeadh an saothar sin i gcóipeanna clóbhuailte sa bhliain 1845, agus nach fios dúinn go raibh Séamus ag saothrú leis roimh 1860, an bhliain a bhfuair Peadar Ó Gealacháin bás. Ó tharla nach bhfuil in SPM [1] agus SPM [2] ach cóipleabhair bheaga, is féidir nár mheas Séamus gurbh fhiú iad a thaispeáint d’Énri Ó Muirgheasa, agus gurbh in an fáth ar fágadh iad lena chuid taisí eile tar éis a bháis. Féachaimis ar na lámhscríbhinní cailte, Coyle 3 – Coyle 7, a grafadh idir na blianta 1869 agus 1900.

Is dóigh go léifí ar cheann de na nótaí atá le dán in Coyle 3, ‘not in the Academy’ (Ua Muirgheasa 1905*e*: 836 col. a), go raibh Séamus tar éis cuid de na lámhscríbhinní san Acadamh a léamh, agus is féidir gur baineadh cuid dá raibh sna lámhscríbhinní déanacha seo astu. Is ábhar spéise go raibh in Coyle 3 dán dar teideal ‘Duain do rinneadh re Éamonn Ua Caiside ina bhfoillsighthear na sochair do bhí ag sliocht na gColla ó Rígh Éireann’,<sup>1632</sup> an teideal céanna agus atá ar an aon chóip

---

<sup>1631</sup> Chuir Séamus ‘Scéal Shéamuis a’ Réisidhe’ i gcló in “Druim Luamáin II” (1903; 1903*a*), agus an nóta seo aige: ‘I took the above story from the dictation of my brother, in January, 1868, and now make this copy, which, I admit, is still faulty in orthography. No one now in being ever heard it recited, so it is original. The famous romancer lived about 80 or 90 years ago, and all his feats and adventures were his own or his sons’ (“Druim Luamáin II” 1903*a*: 375 col. b *n.*). Ba é Séamus a’ Réisidhe .i. Séamus Ó Raghallaigh an *romancer* sin. Baineadh ábhar an scéil as CPM [1] (Moore 1953-5*a*: 275); gheofar an t-ainm cleite féin agus ainm an scríobhaí ar ghiota páipéir a greamaíodh den chlúdach tosaigh de COBÁC A40 (*ol.* Coyle 1). Maidir lena dheartháir, níor éirigh liom a ainm a fháil ach deir Moore (1953-5*a*: 275) linn go gcónaíodh sé i mBaile Mhic Aodha.

<sup>1632</sup> Nó is é sin an teideal atá in Ua Muirgheasa (1905*e*: 836 col. a).

amháin den dán atá san Acadamh, ARÉ C.vi.1 (936),<sup>1633</sup> agus ní heol dúinn go bhfuil ach cóip amháin eile de ar fáil. Baineadh cuid d'ábhar Coyle 3 agus Coyle 4, a grafadh sa bhliain 1869, as lámhscríbhinní lochtacha,<sup>1634</sup> agus trí na tagairtí a thugann Ua Muirgheasa (1905*d*) a chur i gcomórtas lena bhfuil in ARÉ C.vi.1 (936), is cosúil gur baineadh suas le sé dhán in Coyle 3,<sup>1635</sup> is féidir, agus dhá dhán in Coyle 4, as lámhscríbhinn gaolmhar le ARÉ C.vi.1 (936), gan trácht ar ábhar eile atá do-aitheanta mar gheall ar na tagairtí a bheith róghonta. Ní féidir, ar ndóigh, go bhfuair Séamus an t-ábhar seo as ARÉ C.vi.1 (936), a bhí i gcnuasach Ashburnham i Sasana an uair sin.<sup>1636</sup> Tá tagairtí i gcóipeanna Shéamuis do na heiseamláirí a bheith bearnach, áit a bhfuil na cóipeanna in ARÉ C.vi.1 (936) iomlán agus inléite. Deir Séamus linn gurbh i lámhscríbhinn (nach bhfuil againn) le N. O'Sheridan, 1760,<sup>1637</sup> a fuair sé cóip den dán le Giolla Modhubhda [? Ó Caiside];<sup>1638</sup> agus sa chéad lámhscríbhinn eile ar scríobh Ua Muirgheasa (1905*e*) cuntas air, Coyle 5, tá tagairtí do dhá eiseamláir chaillte eile.

Grafadh Coyle 5 ag amanna éagsúla: bhí na dátaí 1872, 1874, 1878 agus 1882 ar taifead inti.<sup>1639</sup> Dealraíonn sé gur baineadh an chéad dá théacs, ar aistriúcháin iad ar bheathaí Naomh Pádraig agus Naomh Colum Cille, as lámhscríbhinn a ghráf Peadar Ó Gabhann (*al.* Peter Smith) sa bhliain 1737 (Ua Muirgheasa 1905*e*: 836 col. b). Tá

<sup>1633</sup> ARÉ C.vi.1(1) (936), lch 59.

<sup>1634</sup> Luaitear sin faoi dhó in Coyle 3 agus Coyle 4 araon; féach Ua Muirgheasa (1905*e*: 836 col. a).

<sup>1635</sup> Is féidir go dtagraíonn Coyle 3, míreanna 4, 8, 9, 10, 13, 14, 15, dá bhfuil in ARÉ C.vi.1(1) (936), lgh 181, 83, 59, 175, 171, 68, 69. Tá an t-eolas a thugtar in Ua Muirgheasa (1905*e*) róghonta le bheith sásta gurb iad na dánta céanna atá i gceist gach uair thuas, óir ní thugtar ach teideal an dáin nó ainm an údair áit nó dhó. Dánta thar a bheith uathúla is ea iad le filí nach bhfuil ach fíorbheagán de thoradh a saothar againn; agus is dóigh liom, ar an ábhar sin, go raibh ceangal iontach láidir ag eiseamláir Coyle 3 agus Coyle 4 leis an lámhscríbhinn atá san Acadamh.

<sup>1636</sup> Is eol dúinn nár ligeadh do scoláirí Gaeilge na 19ú hAoise an cnuasach sin a scrúdú go dtí gur bronnadh ar an Acadamh é sa bhliain 1883.

<sup>1637</sup> Féach Ua Muirgheasa (1905*e*: 836 col. a).

<sup>1638</sup> Ó tharla go ndeir sé go raibh an chóip seo bearnach fosta, 'MS. lost here' (Ua Muirgheasa 1905*e*: 836 col. a), is féidir gur baineadh na dánta seo uilig atá in Coyle 3 + Coyle 4, a bhfuil fáil orthu in ARÉ C.vi.1 (936) fosta, as lámhscríbhinn N. O'Sheridan.

<sup>1639</sup> Tugtar na dátaí 1874, 1878 agus 1882 i dtús an chuntais in Ua Muirgheasa (1905*e*: 836 col. b), agus an dáta 1872 faoi mhír 1 san áit chéanna.

ceann amháin de na téacsanna a bhí in Coyle 5 cailte amach is amach, is féidir: aistriúchán dar teideal ‘Litir Nuala’, leagan Gaeilge, mar a thug Ua Muirgheasa (1905e: 836 col. b) faoi deara, de *Penelope’s Epistle*. Dhealródh sé gurb é seo an t-aistriúchán a réitigh Risteard Pluincéad ó Cho. na Mí sa dara leath den 18ú hAois.<sup>1640</sup> ba é Tomás Tannam ó Bhaile Roibín, Co. Lú, a ghráf an lámhscríbhinn ina bhfuair Séamus é,<sup>1641</sup> lámhscríbhinn agus scríobhaí eile nach bhfuil taifead air áit ar bith eile ach i gcnuasach Shéamuis. Níorbh ar lámhscríbhinní amháin a bhíodh Séamus ag tarraingt, áfach. Bhain sé leas as páipéir nuachta agus leabhair chlóite lena chuid lámhscríbhinní a líonadh: féach go bhfuair sé an scéal ‘Mícheál Ua Gráine agus na Síghéoga’ as *The Irishman*, agus gur scríobh sé dán as *Pious Miscellany* Thaidhg Ghaodhalaigh,<sup>1642</sup> ag cur aistriúchán Béarla dá chuid féin leis. Is cosúil gur baineadh cuid mhaith den ábhar i dtreo dheireadh na lámhscríbhinne Coyle 5 as COBÁC A40 (*ol.* Coyle 1). Má bhí cuid mhaith aistriúcháin Ghaeilge ar théacsanna Béarla in Coyle 3 agus Coyle 4, bhí an roth ag casadh sa treo eile faoi na 1870í agus 1880í, óir is mó de thiontuíthe Béarla in Coyle 5, agus an dá lámhscríbhinn eile de chuid Shéamuis atá againn, Coyle 6 (1889) agus Coyle 7 (1900).

Thit cuid mhaith de thrioblóid an tsaol ar Shéamus sna 1880í, nuair a fuair beirt iníonacha leis bás bliain i ndiaidh a chéile. Fuair mac leis, John Coyle, bás roimhe sin ar an 15 Bealtaine 1880, agus é 3 bliana d’aois.<sup>1643</sup> An bheirt iníonacha, cailleadh Catherine Coyle ar an 22 Meitheamh 1884 i dteach a hathar, agus í 20 bliain

---

<sup>1640</sup> Féach nótaí 111, 3618. Níl mé cinnte an é an duine céanna é agus Risteard Pluincéad [2] (*q.v.*), ach bhain an bheirt acu leis an dúiche chéanna agus bhí siad beo thart faoin am céanna.

<sup>1641</sup> Féach nóta 3618 thíos nó Ua Muirgheasa (1905e: 836 col. b).

<sup>1642</sup> Féach Ua Muirgheasa (1905e: 836 col. b – 837 col. a). Cuireadh ‘Mícheál Ua Gráine agus na Síghéoga’ i bprionta ar *The Irishman* i mí Feabhra 1882 agus mí an Mhárta 1882.

<sup>1643</sup> *OAC*, Clárúimhir: 6685325. Deirtear ar an teastas go raibh John Coyle 3 bliana d’aois, gur ‘School-master’s child’ a bhí ann, agus go bhfuair sé bás i nDún gCoimín an 15 Bealtaine 1880. Ba é Thomas Gibney ó Dhún gCoimín a thug an t-eolas i dtaobh a bháis ar an 17 Bealtaine 1880.

d'aois.<sup>1644</sup> Lean Bridget Coyle í ar an 3 Deireadh Fómhair 1885 in aois a 16 bliana.<sup>1645</sup> Thosaigh Séamus a ghráfadh lámhscríbhinne eile, Coyle 6, sa bhliain 1889. Ábhar Béarla agus giotaí as leabhair chlóite ba mhó a bhí inti, ach istigh leis an ábhar seo, bhí cóip de dhán le Séamus Ó Teibhlin, 'An Bás agus an Cláiríneach' (Ua Muirgheasa 1905e: 837 col. b; Ó Muirgheasa 1915: 184). Réitigh Séamus an chóip de 'Eachtra an Mhadra Mhaoil' atá in Coyle 7 as dhá lámhscríbhinn, ach ní thugann sé sonraí eile ina dtaobh. Deir Ua Muirgheasa (1905e) an méid seo faoi Coyle 7,

The date of this MS. (1900) makes it interesting, though its matter is perhaps the least valuable of the collection. Here we have the traditional copying of Irish Manuscripts carried down to the beginning of the 20th century. We find MSS. transcribed in every decade of the 19th century, but this is the only one I have seen bearing a date in the 20th century.<sup>1646</sup>

B'fhéidir go bhfuil sé seo giota beag áibhéalach, an dóigh a dtugann sé le fios go raibh lámhscríbhinní á ngráfadh gan bhriseadh suas go dtí deireadh na 19ú hAoise, óir is doiligh smaoineamh ar scríobhaí Gaeilge eile a lean air ag grafadh lámhscríbhinní dá úsáid féin isteach sa cheathrú dheiridh den 19ú hAois. Tugann *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, le fios go raibh Séamus tar éis éirí as a phost tamall roimhe sin. Bhí seisean 'James Coyle' (63 bliana); a bhean, 'Bridget Coyle' (61 bhliain); agus a mhac, 'James Coyle' (26 bliana), ag cur fúthu in 8 Droichead Uí Dhálaigh, i bparóiste Chill Bhríde, an tráth sin. Shínigh sé an cháipéis i nGaeilge.

---

<sup>1644</sup> OAC, Clárúimhir: 6951116. Catherine Coyle, 'School-master's daughter', a fuair bás i nDún gCoimín an 22 Meitheamh 1884 in aois a 18 mbliana, de réir an teastais, cé gurb eol dúinn gur baisteadh í an 22 Samhain 1863. Ba í a deirfiúr, Bridget Coyle ó Dhún gCoimín, a thug na sonraí i dtaobh a báis, ar an 6 Deireadh Fómhair 1884.

<sup>1645</sup> OAC, Clárúimhir: 6175392. Bridget Coyle, 'National School Teacher's daughter', a fuair bás i nDún gCoimín ar an 3 Deireadh Fómhair 1885 in aois a 17 mbliana [16 bliana ó cheart]. Ba í Bridget Coyle, a máthair, a thug an t-eolas an 9 Samhain 1885.

<sup>1646</sup> Ua Muirgheasa (1905e: 837 col. b).

Cuireadh an scéal a bhreac sé síos in SPM [1] sa bhliain 1868, ‘Scéal Shéamuis a Réisidhe’, i gcló ar *Irisleabhar na Gaedhilge* sa bhliain 1903 faoina ainm cleite, “Druim Luamáin II.”<sup>1647</sup> Ar bhonn na gceartúchán a scríobh Séamus sa script choiteann isteach in SPM [1] leis an ábhar a réiteach don chló, chreid Séamus P. Ó Mórdha gur thug Séamus droim láimhe don script ghaelach i dtreo dheireadh a shaoil (Moore 1953-5a: 275), ach is beag tagairt a dhéanann Ua Muirgheasa (1905*d*; 1905*e*) d’ábhar sa script choiteann ina chatalóga.<sup>1648</sup> Líon Séamus an fhoirm theaghlaigh do *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1911, ar fad i nGaeilge. Tugann sé ‘bunchíosaidhe’ mar shlí bheatha dó féin agus dá bhean ar an tuairisceán seo.

D’éag James Coyle, ‘Ex School Teacher’, de *Morbus Cordis* i nDún gCoimín an 2 Meán Fómhair 1917, tuairim agus 81 bhliain d’aois.<sup>1649</sup> Níorbh fhada nó gur lean a bhean, Bridget Coyle, isteach san uaigh é; cailleadh í ar an 11 Samhain 1917 in aois a 82 bliain.<sup>1650</sup> Ba é a mac, Mathias Coyle, a chláraigh teastais bháis na beirte acu, agus bhí James Coyle, Jr. ina bheatha chomh mall leis an mbliain 1942.

## 2.81. Labhrás Mac Giolla Earna, fl.1788-95

[Laurence M<sup>c</sup>Larney]<sup>1651</sup>

**LB Eg. 151.** Cuid di. ‘Tóraidheacht Dhiarmada agus Ghráinne’, dánfhocail.

1788.<sup>1652</sup>

<sup>1647</sup> Féach nóta 1631 thuas.

<sup>1648</sup> Deir sé gur scríobhadh dán amháin in Coyle 3 go speisialta sa script choiteann, ‘Tuireamh Chathail Bhuidhe’ (Ua Muirgheasa 1905*e*: 836 col. a).

<sup>1649</sup> OAC, Cláruimhir: 5583382. Cailleadh James Coyle, ‘Ex School Teacher’, fear pósta, 81 bhliain d’aois, i nDún gCoimín ar an 2 Meán Fómhair 1917. Ba é Mathias Coyle, a mhac, a chuaigh fá choinne an teastais an 25 Meán Fómhair 1917, agus bhí cónaí air i nDún gCoimín go fóill an uair sin.

<sup>1650</sup> OAC, Cláruimhir: 5593810. Deirtear ar an teastas go raibh sí ina baintreach, go bhfuair sí bás an 11 Samhain 1917 i nDún gCoimín, gur ‘Wife [*sic*] of an Ex-Schoolteacher’ í. ‘Old age’ a thug a bás, agus ba é Mathias Coyle, a mac, a thug sonraí a bás an 13 Samhain 1917.

<sup>1651</sup> Féach LB Eg. 182, f. 102.

<sup>1652</sup> Tá cuid mhaith den cholafon sractha, ach is féidir an chuid is mó den eolas inspéise a léamh, ‘... <ar>na sgriobhadh re Leabhras Mac Ilearnadh an domha la deag do Mhairta an obhar [= uair] Míle ocht ccéad a hocht 7 ceire fithcheat ...’, LB Eg. 151, f. 36. I gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 247-8. Rinne Flower, *B.M. Cat.*, ii, 247-8, ceartú ar an gcolafon seo, ‘12 March 1888, by mistake for 1788’.

**LB Eg. 161.** Cuid di.<sup>1653</sup> ‘Tuireamh na hÉireann’, laoithe fiannaíochta, dánta diaga, búrdúin agus dánfhocail, ‘Turas Chaoil an Iarainn Mhic Ríogh na Teasáile go hÉirinn’, ‘Comhairle Mhic Clámha’. 1788.

**LB Eg. 171.** Formhór di.<sup>1654</sup> ‘Eachtra Iollainn Airdmheirg’, ‘Eachtra agus Airdscéal Éachtach Mhic Ríogh na mBan Fionn’, nótaí ar noda agus ar ghiorrúcháin, ‘Beatha na Ban-Naoimhe Beannaithe Anna, Máthair Mhuire Ógh’, ‘An Teanga Bhithnuadh’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, ‘Ceasacht [Inghine] Guile’, dánfhocail. 1790-1.<sup>1655</sup> Dó féin.<sup>1656</sup>

**LB Eg. 182.** Formhór di. ‘An Scáthán Spioradálta’. 1795.

**LB Eg. 186.**<sup>†</sup> Blogh di.<sup>1657</sup> Dánfhocal (i nGaeilge agus i mBéarla) agus giota dáin.

Déantar iarracht a léiriú sa chuntas ar Roibeard Mhag Uidhir i gCaib. 2.106 thíos gur Mhíoch a bhí ann, agus gur fhág sé againn cúig lámhscríbhinn a grafadh sa cheathrú dheiridh den 18ú hAois. Mar chuid den argóint sin, roinntear na lámhscríbhinní in dhá ghrúpa, **A** agus **B**. Aicmítear na trí lámhscríbhinn ARÉ 23A3 (353), LB Eg. 161 agus OÉG H10 faoi **B**, agus cuirtear leo OÉG H11 (lámhscríbhinn chaillte) ar ábhair éagsúla. Do sheachaint an iomarca a rá anseo, fághtar an cheist ar leataobh, ach is fiú a lua go bhfuil leideanna láidre againn gurbh as Co. na Mí do scríobhaí **B**—is cuma

---

<sup>1653</sup> Féach an tábla sa chuntas ar Roibeard Mhag Uidhir i gCaib. 2.106 thíos.

<sup>1654</sup> Ff. 1-52.

<sup>1655</sup> Tá deacracht leis na dátaí. Deir Flower, *B.M. Cat.*, ii, 364, gur grafadh cuid Labhráis de LB Eg. 171 idir na blianta 1790 agus 1791, agus priontálann sé trí cholafon a thacaíonn leis sin: (1) 1791, ag deireadh ‘Eachtra Iollainn Airdmheirg’, f. 8; (2) 1790, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, f. 46; (3) an 10 Lúnasa 1790, ‘Ceasacht [Inghine] Guile’, f. 52b. I dtaobh an dáta, deir Williams (1972: 96) i dtaobh an scéil ‘Eachtra Éachtaigh Mhic Ríogh na mBan Fionn’, ‘The scribal colophon at the end of the present tale tells us that it was written in the year 1795’, agus san eagrán tugann sé cóip de dúinn, ‘... Finid. MDCC 1795’ (Williams 1972: 109). Tar éis dom na colafoin a léamh, ceapaim gur grafadh an lámhscríbhinn uilig idir na blianta 1790 agus 1791—iad siúd ar ff. 8 (dar dáta 1791), 15 (1791), 46 (1790), 52b (an 10 Lúnasa 1790).

<sup>1656</sup> Deir Labhrás in dhá cheann de na colafoin (ff. 8, 52b) gurbh é sealbhóir an leabhair é.

<sup>1657</sup> F. 69 amháin.

cé acu is é Roibeard Mhag Uidhir é nó nach ea—agus ó tharla gurb eol dúinn gur chuidigh Labhrás le scríobhaí **B** LB Eg. 161 a scríobh sa bhliain 1788, is dóigh go raibh Labhrás i gCo. na Mí thart faoin am sin. Teoiric arna bunú ar theoiric eile atá ann, d’fhéadfaí a rá, ach tá leid bheag amháin eile againn gur féidir gur Mhíoch é Labhrás, ní a phléifear thíos. Más fíor sin, is féidir gurbh aisteach linn nach bhfuil dán ar bith de chuid nuafhilí Oiriaila ina chuid leabhar, ach dhealródh sé gurbh i laoithe fiannaíochta, ábhar cráifeach agus scéalta rómánsaíochta ba mhó a chuireadh Labhrás spéis. Níor mhaith a chumas Béarla a scríobh.<sup>1658</sup>

Na lámhscríbhinní atá againn ó láimh Labhráis, ba idir na blianta 1788 agus 1795 a scríobhadh iad uilig, agus an chuma orthu go raibh Labhrás ag cur feabhas ar a chuid peannaireachta agus ortagrafaíochta an t-am ar fad agus é á scríobh. Tugann an leagan den scéal ‘Tóraidheacht Dhiarmada agus Ghráinne’ atá i gceann de na lámhscríbhinní is sine atá againn uaidh, LB Eg. 151, léargas beag eile ar an áit a raibh cónaí air. Le linn do Ní Shéaghdha (1967a) a bheith ag cur eagar ar an scéal seo, thug sí faoi deara gur leagan measartha uathúil den ‘Tóraidheacht’ atá sa chóip di atá in LB Eg. 151, leagan nach bhfuil ar fáil ach in aon chóip amháin eile, í siúd atá in ARÉ 24P31(2) (1075).<sup>1659</sup> Ba é Peadar Dubh Ó Dálaigh (*q.v.*) ó Cho. na Mí a ghráf an chóip sin, agus ní fios dom gur cóipeáladh an scéal riamh in Oiriaila. Ar an 12 Márta 1788 a scoir Labhrás dá chóip féin a scríobh, agus ghráf sé sa bhliain

---

<sup>1658</sup> LB Eg. 186, f. 69.

<sup>1659</sup> LB Eg. 151. Luaigh Ní Shéaghdha (1967a: xv-xvi) nach dtosaíonn an chóip Ultach eile, ARÉ 24P31(2) (1075), den scéal ar an gcaoi chéanna agus na cóipeanna eile .i. leis an gcomhrá idir Oisín agus Fionn, agus tá cóip den chéad alt gonta sin in aguisín A a ghabhann lena heagrán den téacs (1967: [122]). Bhreac Peadar Dubh Ó Dálaigh an chóip sin in 1816. Ní raibh mé in ann staidéar grinn a dhéanamh ar na leaganacha atá in ARÉ 24P31(2) (1075) agus LB Eg. 151, sa dóigh nach féidir liom a rá gur cóip de LB Eg. 151 í ARÉ 24P31(2) (1075) nó go mbaineann siad beirt leis an líne sheachadta chéanna, ach is féidir a rá, ar bhonn na línte tosaigh amháin, gur gaire cóip Labhráis Mhic Giolla Earna do chóip Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh ná aon lámhscríbhinn eile dár scrúdaigh Ní Shéaghdha (1967a) ina heagrán.

chéanna i bpáirt le scríobhaí **B** gíotaí tábhachtacha eile a tharla i gcnuasach

Shéamuis Uí Ardagáin, agus ar cuid de LB Eg. 161 iad faoi láthair.<sup>1660</sup>

Is féidir a áiteamh, cé nach bhfuil dáta cruinn uirthi áit ar bith seachas an bhliain lom 1788 ar dhuilleog amháin, gur grafadh an chuid is mó dár scríobh Labhrás in LB Eg. 161 roimh LB Eg. 151. Tagann sin, is dóigh liom, le céill óir is tuataí agus is drochdhealfa an pheannaireacht i bhfad sa chuid is mó den iarracht seo. Locht amháin a d'fhéadfaí a fháil ar an bpeannaireacht in LB Eg. 161 is ea go bhfuil sí so-athraithe, cosúil leis an méid den lámhscríbhinn atá i bpeannaireacht scríobhaí **B**, agus is dóigh gur cnuasach de leabhráin bheaga de chuid na beirte atá againn a scríobhadh ag amanna éagsúla.<sup>1661</sup> Léifí ar nóta amháin sa lámhscríbhinn sin go raibh sé scítheach de bheith ag grafadh lámhscríbhinní gan rath an tsaoil air, ach lean sé air ag cóipeáil ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin,

Cuid *dair* chal me le mo fholuim, is tru<a>gh *nach* ttuig [= nach dtug] me é *air* edach.<sup>1662</sup>

Dó féin a ghráf sé an chéad lámhscríbhinn eile dá chuid a sábháladh ón lot, LB Eg. 171, cnuasach de scéalta rómánsaíochta a bhfuil dátaí scríofa idir an 10 Lúnasa 1790 agus 1791 leo. Maidir le foinse na scéalta seo, ba é Robin Flower an chéad duine a d'aithin gur leaganacha ar leith iad an uair a scríobh sé an méid seo ina dtaobh, 'The unusual versions of the texts ... give the MS. an individuality of its own', *B.M. Cat.*, ii, 364, agus níor bhréag a áiteamh go bhfuil sí ar na lámhscríbhinní is

---

<sup>1660</sup> Áit ar bith a ndeirtear *gur ghráf* Labhrás LB Eg. 161, srl., thuas, táthar ag tagairt go speisialta don chuid di atá i bpeannaireacht Labhráis, agus ní don lámhscríbhinn uilig. Bheadh sé tuirsiúil tagairt i gcinnteacht, measaim, *don chuid de* LB Eg. 161 a scríobh Labhrás. Féach an tábla sa chuntas ar Roibeard Mhag Uidhir i gCaib. 2.106.

<sup>1661</sup> Féach peannaireacht Labhráis ar f. 165v. Níor scríobh sé ach na chéad sé líne den leathanach, áit ar ghlac scríobhaí **B** an cúram air an chuid eile de 'Seanchas na nApstal' a ghráfadh. Tá easpa leanúnachais ar an méid den lámhscríbhinn atá i bpeannaireacht scríobhaí **B** fosta, agus d'fhéadfaí an rud céanna a áiteamh i dtaobh leagan amach na leathanach.

<sup>1662</sup> LB Eg. 161, f. 145v.



neamhghnáiche díobh siúd a scríobhadh sa cheantar. De bhreis ar nótaí ar noda agus ar ghiorrúcháin na Gaeilge, agus cúpla rann fáin, tá seacht saothar fhada próis sa lámhscríbhinn: cúig scéal rómánsaíochta, agus cóipeanna de ‘Beatha na Ban-Naoimhe Beannaithe Anna, Máthair Mhuire Ógh’ agus ‘An Teanga Bhithnuadh’. Is iad seo na scéalta rómánsaíochta: ‘Eachtra Iollainn Airdheirg’, ‘a curious variant’ dar le Flower, *B.M. Cat.*, ii, 365; ‘Eachtra agus Airdscéal Éachtach Mhic Ríogh na mBan Fionn’, ‘of ... marked ... folk character’, *B.M. Cat.*, ii, 365; ‘Oidhe Chloinne hUisneach’; ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’; agus ‘Ceasacht [Inghine] Guile’, ‘differing greatly in details’ i gcomórtas le cóipeanna eile, dar le Flower, *B.M. Cat.*, ii, 366.

Is mar gheall ar nóta Flower atá scoláirí na scéalta rómánsaíochta Gaeilge tar éis spéis thar chion a chur in LB Eg. 171, agus ba dhóigh le Bruford (1969: 128) gurbh é Labhrás Mac Giolla Earna a d’ullmhaigh na leaganacha neamhghnácha seo, agus é ag tarraingt ar a chuimhne féin nó ar fhoinsí béil, toisc nach raibh fáil aige ar chóipeanna scríofa díobh an tráth sin, b’fhéidir. Tugann sé cuntas níos grinne ar an gcéad dá scéal sa lámhscríbhinn, ar fiú codanna de a thabhairt,

... other tales found in eighteenth- and nineteenth century MSS. ... seem to be edited folk-tales ... The best of them are in the British Museum MS. Egerton 171, written by Labhras Mac Elairneadh in 1791, probably in Co. Meath according to Flower ... This contains a version of *Eachtra Iollainn Airdheirg* which is quite different from those in other northern or southern MSS. ... Of the proper names, only the hero (usually Ollonn *Imdhearg*), Macaomh Mór and Gruagach na bPoball are as in the other MSS.: the heroine Éachtach becomes ‘Helen Óg’ and the others have descriptive names. ... The rest of the story is shortened... Why the scribe did this is more of a puzzle: did he prefer the version of the story he had heard from his nurse to that which had been circulating in Meath not long before, or had all the MSS. been snapped up by private collectors in Dublin so that he had to re-compose the tale from memory?

The second story in the MS. is entitled *Eachtra agas Airdsgeul Euchtach mac Righ na [m]Ban Fionn*. Flower ... points out its ‘marked folk character.’ In this case it may be a compilation of motifs by the scribe, or a folk-tale to which he has added a few names. The opening seems related to *Eachtra an Amadáin Mhóir* ... One character is An Crochaire Tárnochtai ghe, the Naked Hanged Man of folk-tales; but he is not the treacherous deceiver of the usual tale, but an invulnerable giant who is persuaded by a little pressure to lend his magic apples. Two runs in the story belong to distinctively oral types ...<sup>1663</sup>

Luann Bruford (1969) an lámhscríbhinn seo cúpla áit eile.<sup>1664</sup> De na scéalta atá sa lámhscríbhinn, tá a bhformhór ar fáil go flúirseach i lámhscríbhinní eile a grafadh thart faoin am sin i gCo. na Mí agus in áiteacha eile sa cheantar, ach amháin an píosa ‘Eachtra Éachtaigh Mhic Ríogh na mBan Fionn’ nach bhfuil cóip ar bith eile di ar fáil, go bhfios dom. Chuir Williams (1972) an scéal seo in eagar, áit ar thaispeáin sé, áfach, go bhfuil dearmaid bhunúsacha cóipeála le fáil tríd an lámhscríbhinn (Williams 1972: 97), ionann is gur chóipeáil Labhrás ábhar a bhí roimhe go meicniúil agus nach dócha, mar sin, gur chum sé féin na leaganacha seo.<sup>1665</sup> Luann Bruford (1969: 128) gur scríobh Flower gur féidir gurbh as Co. na Mí do Labhrás, agus leanann Bruford (1969) an tuairim sin: aicmítear LB Eg. 171 mar lámhscríbhinn ‘Ultach’ .i. lámhscríbhinn de chuid Thuaisceart na lámhscríbhinní faoi chúig sna liostaí lámhscríbhinní ag deireadh a mhórshaothair. Bhí léamh eile ar fad ag Williams (1972: 97, 114) ar an scéal, agus é ag brath ar fhoirmeacha teanga an scéil ‘Eachtra Éachtaigh Mhic Ríogh na mBan Fionn’,

<sup>1663</sup> Bruford (1969: 128).

<sup>1664</sup> Féach na tagairtí seo: ‘But titles of nobility are rare: in the classical romances only *iarla*, earl, is occasionally found, though later ones may use some transliteration of “duke.” The complete order of precedence at the end of the late version of E[achtra] I[ollainn] A[irdheirg] (Eg. 171): “*prionnsaighe, dúibhici, marquesidhe, iarlidhe, barun, ridairidhe 7 ro-uaisle na críocha*” is exceptional by any standards’ (Bruford 1969: 23); ‘Seven versions of E[achtra] I[ollainn] A[irdheirg] actually do not open with the tooth-motif ... as in the eighteenth-century folk version preserved in Eg. 171 ...’ (Bruford 1969: 86).

<sup>1665</sup> Is féidir linn glacadh leis nach dréachtaí iad, ar a laghad, ach thiocthadh le scríbhneoir ar bith cuid de na botúin seo a dhéanamh (m.sh. *s* in ionad *f*) agus é ag cóipeáil dréachta dá chumadh féin.

Flower thought the MS may have been from Co. Meath, presumably because Muiris Ó Gormáin wrote the latter part. In fact, the language of this tale, and of the other items in Mac Alerny's hand in the MS, exhibits features that one would associate with both South East Ulster and Connaught albeit with the Ulster features in a strong majority. For this reason I would tentatively ascribe the dialect, which I assume to be Mac Alerny's, to a border area between Connaught and Ulster Irish.<sup>1666</sup>

Ní fios dom goidé an t-ábhar a cheapfadh Robin Flower gur Mhíoch é Labhrás, má tuigeadh dó go raibh aithne aige ar Mhuiris Ó Gormáin, agus é a bheith ar eolas ag Flower gurb iomaí áit a thaitigh Muiris i rith a shaoil. I ndiaidh do Williams plé mion a dhéanamh ar na foirmeacha canúna atá sa scéal, deir sé go bhfuil—

significant isoglosses in common with S. E. Roscommon, N. E. Mayo, Mid-Leitrim, N. W. Cavan, S. Longford as well as many with the S. E. Ulster dialects. ... If one were forced to localize the dialect ... S. Longford would, I think, be the most likely area of origin.<sup>1667</sup>

Tá, gan amhras, cúpla foirm i lámhscríbhinní Labhráis nach samhlófaí le Gaeilge Oirthear Uladh. Chuir Ó Buachalla (1977) roimhe ina léirmheas ar Williams (1972) an teoiric sin a bhréagnú, ar an ábhar nach féidir iseaghluaiseanna a bunaíodh ar ábhar béil a scríobhadh san 20ú hAois a úsáid le háit scríofa lámhscríbhinne liteartha de chuid na 18ú hAoise a shocrú. Áitítear fosta gur féidir gur ghoin a aire Williams agus é ag baint úsáid as na hiseaghluaiseanna,

He then shows that *EE* has 'significant isoglosses in common with S.E. Roscommon, N.E. Mayo, Mid-Leitrim, N.W. Cavan, S. Longford as well as many with S.E. Ulster Dialects' ... But what does this prove? Nothing, except that all dialects of Irish have many features in common and that one element in the text's linguistic composition is the derived common literary language. In that if the editor's statement that 'the language of *EE* represents the language of the scribe' were taken to its logical conclusion one would have to list such forms as *fecht n-aile*, ... etc., as dialectal forms. The basic flaw ... is the complete confusion of diachronic and synchronic data: the v.n. form *tiacht* 'coming' is labelled a 'Connaught form' and it may

---

<sup>1666</sup> Williams (1972: 97).

<sup>1667</sup> Williams (1972: 114).

well be so *to-day* but by no legitimate criterion could one classify it as such in a seventeenth-eighteenth century context (it is, in fact, a common literary form and is well attested from both Munster and Ulster texts throughout the eighteenth century) ...

One has to remember in extracting dialectal material from literary sources that: (1) no text is an exact or complete reflection of the language of its scribe/area; (2) that since the material is, to a greater or lesser extent, derivative and since it represents a wider spectrum of socio-linguistic domains than that found in any modern Gaeltacht the language of the text will exhibit a wider spread of morphological and lexical items than that found in any extant dialect; (3) that the phonological rules which can be deduced from the material (through scribal slips, mis-spellings, semi-phonetic orthography, etc.) are not applied universally, due, not only to the scribe's inconsistency and the absence of any orthographic system, but also to the fact that there are always exceptions to these rules.<sup>1668</sup>

Tugann Ó Buachalla (1977) liosta foirmeacha dá chuid féin, agus tuairimíonn sé gur lámhscríbhinn de chuid 'S.E. Ulster' í LB Eg. 171. D'airigh Mac Giolla Léith (1993: 37-8) cuid mhaith den éagsúlacht atá le brath ar na scéalta eile ar leagan Labhráis de 'Oidhe Chloinne hUisneach',

This text includes a good number of alliterative runs not found elsewhere and many proper names have been corrupted ... It is closer to the B group of MSS than to any other. (The incomplete version of O[idhe] C[hloinne] [h]U[isneach] in [ARÉ 23O67 (1376)] is closely related to this text.)

Lámhscríbhinní Muimhneacha amháin atá in 'B group' Mhic Giolla Léith (1993), agus ba é Seághan Ó Braonáin, an file Gaeilge ó Bhaile Mhic Aindriú, Co. Chiarraí, a ghraf ARÉ 23O67 (1376) i rith na bliana 1806.<sup>1669</sup> Ní fios dom a chosúla lena chéile atá lámhscríbhinn Labhráis agus an lámhscríbhinn Chiarraíoch sin, ach ní dhéanann sé ach an mearbhall a mhéadú píosa eile. Is follas, cibé rud é, ar theanga lámhscríbhinní Labhráis gur ceart eisean a áireamh mar scríobhaí de chuid an cheantair seo againn, agus gur féidir gurbh as áit éigin i gCo. na Mí dó, ós eol dúinn

---

<sup>1668</sup> Ó Buachalla (1977: 221-2).

<sup>1669</sup> Féach an *R.I.A. Cat.*, 3525.

go raibh sé mór le scríobhaí **B**. Is fiú féachaint ar an dá shaothar próis eile atá in LB Eg. 171. Ní féidir liom teacht ar aon eolas i dtaobh na cóipe de ‘Beatha na Ban-Naoimhe Beannaithe Anna, Máthair Mhuire Ógh’ a ghráf sé, ach go raibh cóipeanna di á ngrafadh i gCo. na Mí thart faoin am sin.<sup>1670</sup> Tugaimis aghaidh ar ‘An Teanga Bhithnuadh’. Ar scáth a bhfaca muid go dtí seo, níorbh iontas é an leagan seo a bheith bunoscionn leis na leaganacha eile ó Cho. na Mí, mar is follas ó thaighde Nic Cárthaigh (2014) ar na lámhscríbhinní; is é an teideal atá ar ‘An Teanga Bhithnuadh’ sa lámhscríbhinn ‘An Teanguidh Bionfuita’. Tá ceangal láidir ag an gcóip atá i lámhscríbhinn Labhráis lena bhfuil sa chéad chuid de LN G32, lámhscríbhinn a bhfuil ceangal lag ag an dara cuid di le deisceart Cho. na Mí.<sup>1671</sup>

<sup>1670</sup> Féach ‘Beatha na Ban-Naoimhe Beannaithe .i. Anna, Máthair Mhuire Óigh’, LB Add. 34119. Labhrás Mhac Con Allaidh ón mBaile Géar, Ráth Tó, Co. na Mí, a scríobh sa bhliain 1765. Ghráf scríobhaí **B** an bheatha in OÉG H10; tugann sé ‘Beatha na Ban-Naoimhe Coisricthe, Anna Máthair Mhuire Ógh’ uirthi. Tá cóip eile i lámhscríbhinn de chuid Pheadair Uí Ghealacáin, ‘Beatha an Bhan-Naomh Beannaithe Anna, Máthair Mhuire Óigh’, ARÉ 24P20(2) (1072).

<sup>1671</sup> Sa phlé a rinne Nic Cárthaigh (2014) ar shliocht amháin as an tríú leagan den ‘Teanga Bhithnuadh’, an ceann a bhíonn le fáil i lámhscríbhinní na 18ú hAoise agus na 19ú hAoise, thug sí liosta fiche lámhscríbhinn ina bhfuil an leagan sin ar fáil. Déanann Nic Cárthaigh (2014: 212-33) amach gur le líne sheachadta amháin a bhaineann na cóipeanna in LB Eg. 171 agus LN G32, agus go mbaineann an dá chóip Ultach eile atá luaite aici, LB Eg. 174 agus LNA 72.2.5, le líne eile. Tugtar mion-eolas ó na lámhscríbhinní le cuidiú lena cuid argóintí. Ba iad Conchubhar Ó Con Cheanainn (*fl.*1765-6) agus Proinsias Ó Maoil Dhúin (*fl.*1739-56) a ghráf LN G32, agus ba é Conchubhar a ghráf ‘An Teanga Bhithnuadh’. Is dóigh le hÓ Con Cheanainn (2010: 85) gur ‘dhá lámhscríbhinn neamhspleácha’ iad seo, agus gur féidir gurbh as Corca Mhogha, Co. na Gaillimhe, do Chonchubhar, cé go ndeir sé nach bhfuil ann ach tuairim. Bhí scríobhaí na dara coda, Proinsias Ó Maoil Dhúin, lonnaithe i mBaile Átha Cliath nuair a ghráf sé a chuid de LN G32 idir na blianta 1747 agus 1756, agus é luaite aige i gcúpla áit go raibh sé ag obair i bpáirt le hAodh Ó Dálaigh agus le Tomás Mac Con Choilligh. Deir Proinsias áit amháin gur ghráf sé cuid den ábhar ar fhoréileamh Aodha. Tá an-chuid ábhar, agus cuid de iontach gann sna lámhscríbhinní, i gcosúlacht idir an dara cuid de LN G32, CT H.4.4 (1346) le hAodh Ó Dálaigh, agus ARÉ 23K24 (59) le Labhrás Mhac Con Allaidh ón mBaile Géar, Ráth Tó, Co. na Mí. Má tá ceangal seanbhunaithe ar bith idir an dá chuid de LN G32, agus is féidir sin, diomaite de gur lámhscríbhinní neamhspleácha iad an dá chuid, is féidir go bhfuair Labhrás Mac Giolla Earna a chóip den ‘Teanga Bhithnuadh’ ó LN G32 nó ó lámhscríbhinn eile a cóipeáladh as an dá chuid di, ach níl ann ach tuairim. Tuairim eile a luann Ó Con Cheanainn (2010: 85) is ea go raibh páirt ag Conchubhar le Pádraig Ó Con Cheanainn, an té dár scríobh Muiris Ó Gormáin (*q.v.*) KBC NKS173(2) sa bhliain 1764, agus gur féidir go raibh cónaí orthu beirt, Conchubhar agus Pádraig, i mBaile Átha Cliath. Tugtar na gíotaí scartha eolais anseo ar fhaitíos go mbeifí in ann cur leo amach anseo. An t-aon ghiota eile atá againn ó Chonchubhar Ó Con Cheanainn, tá sí istigh le LB Eg. 139, cnuasach de pháipéir ar grafadh a bhformhór i mBaile Átha Cliath, agus a cuireadh le chéile ann, is dóigh, sa chéad leath den 19ú hAois. Tugtar eolas faoi Chonchubhar Ó Con Cheanainn in Ó Con Cheanainn (2010: 84-5), agus faoi Phroinsias Ó Maoil Dhúin, Tomás Mac Con Choilligh, agus faoi Aodh Ó Dálaigh i nóta 60 agus i gCaib. 1.4.6.1 thuas.

Tháinig slán lámhscríbhinn eile, LB Eg. 182, ar scríobh Labhrás a formhór; tá an chuid eile i bpeannaireacht scríobhaí A .i. Roibeard Mhag Uidhir. Ba sa bhliain 1795 a rinne Labhrás a chuid féin den obair, agus dhealródh sé gur scríobhadh cuid Roibeard den lámhscríbhinn seal roimhe sin, óir tá an chuma uirthi gur dheisigh Labhrás í, agus gur scríobh sé an méid a bhí in easnamh uirthi. Tríd an bpeannaireacht a chur i gcomórtas leis na lámhscríbhinní eile a ghráf Labhrás, is éasca a dhéanamh amach go raibh sé tar éis feabhas mór a chur ar a chuid peannaireachta idir na blianta 1791 agus 1795. Ní fios cá fhad a lean sé air ag scríobh ina dhiaidh sin, ná goidé an crann a thit air tar éis na bliana 1795.

**2.82. Brian Mac Giolla Eoin, fl.1769-70**

[Bryan Monday]

**LPBF 5.** ‘Feis Tighe Chonáin’. 1769-70.

Is beag atá ar eolas faoin duine seo, ach b’fhéidir go dtuigfí as an leagan Béarla dá ainm a thugann sé sa lámhscríbhinn, Monday, gurbh as Tír Chonaill dó. Sloinne Conallach atá ann, agus ní minic a fheictear an t-aistriúchán Béarla seo air taobh amuigh den dúiche sin. Más mar sin atá, ní hionann sin agus a rá go gcaithfidh sé gurbh as Co. Dhún na nGall dó, ach bhí an lámhscríbhinn á léamh ag Daniel Connolly ó Bhéal Átha Séanaidh, Co. Dhún na nGall, am éigin ina dhiaidh sin.<sup>1672</sup> Is é an rud is spéisiúla faoi lámhscríbhinn Bhriain go dtugann sé nótaí reatha ag bun na leathanach ar bhásanna daoine áitiúla, agus ar chúrsaí aimsire agus eile ó áit go chéile.

---

<sup>1672</sup> Luaigh Ó Buachalla (1962: 3) gur shínigh Daniel Connolly an lámhscríbhinn cúpla uair.

IV.<sup>1673</sup> COC M37 (37). ‘Táin Bó Cuailnge’, ‘Brisleach Mhór Mhaighe

<sup>1673</sup> Féach Ó Buachalla (1968: 57 n.8), áit a dtugtar liosta gearr dá lámhscríbhinní, dá dtagraíonn na huimhreacha rómhánacha sa cholún clé thuas. Áirítear ocht lámhscríbhinn leis ann. Is é fírinne an scéil gur féidir dhá shraith a dhéanamh díobh—iad siúd a scríobh, de réir na gcolafon, (1) *S(th)eamus Mac Gillrói* (srl.) [= Ó Buachalla, III, IV, V, VII]; agus iad atá sínithe ag (2) *S(h)éamus Mac Eldroi* (srl.) [= Ó Buachalla, I, II, VI]. Ní luaitear a ainm in VIII, ARÉ 24P16(1) (1069).

Is fiú ceithre phointe a lua sula dtugann muid faoi na cosúlachtaí atá ann idir an dá shraith lámhscríbhinní a phlé,

(1) Ba dhóigh le hÓ Buachalla (1968: 57) gur scríobh Séamus Mac Giolla Ruaidh ARÉ 24P16(1) (1069), cóip de lámhscríbhinn a ghráf Stiabhna Rís sa bhliain 1730 (LN G137). Rinne an té a scríobh ARÉ 24P16(1) (1069) colafoin na heiseamláire (LN G137) a chóipeáil isteach ina lámhscríbhinn féin. Ar scrúdú na peannaireachta dom, tá mé deimhnitheach de nár scríobh Séamus Mac Giolla Ruaidh í. Rud eile de, tá na hínisil ‘M.O.R.’ scríofa i lámh an scríobhaí (tar éis cholafon na heiseamláire) ar lch 47 sa lámhscríbhinn. Réitíonn an pheannaireacht go mór le lámh Mhíchíl Uí Raghallaigh, Inis Díomáin, Co. an Chláir. Fágann sin gur féidir VIII a ghlanadh.

(2) An lámhscríbhinn sin VII ar a dtugann sé an cuntas gearr seo, ‘Ls. a bhain uair leis an Ath. L. P. Ó Muireadhaigh atá anois i seilbh an Ath. Tomás Ó Fiaich’ (Ó Buachalla 1968: 57 n.8), is í COFLA MF14 í.

(3) Tháinig giota eile, LN G535, lgh 2-4, litir ó Shéamus *Mac Gillrói*, Baile an Scothaigh, an 15 Meitheamh 1811, chun solais tar éis don chuntas sin a bheith foilsithe.

(4) Cuireadh lámhscríbhinn chailte le Séamus, a scríobhadh sa bhliain 1820, ar ceant mar mhír 815 i gceant leabhar Reeves (1892). Is dóigh go bhfuil sí cailte, murab ionann í agus COFLA MF14, lámhscríbhinn gan dáta ar a bhfuil maisiúcháin den chineál a luaitear sa chatalóg cheant i gcás lámhscríbhinn Reeves. Ábhar cráifeach atá iontu beirt, COFLA MF14 agus Reeves, mír 815. Ní thugtar leagan Gaeilge dá ainm i gcatálog Reeves, ach ós rud é go luaitear Baile an Scothaigh mar log, is féidir linn an lámhscríbhinn sin a cheangal le Séamus *Mac Gillrói*.

Fágann sin gur féidir tréithe an dá shraith lámhscríbhinní a thabhairt anois, ag tosú le Sraith 1.

*Sraith 1*: Ba i mBaile an Scothaigh, [Co. Mhuineacháin], a scríobhadh lámhscríbhinní Shéamuis *Mhic Gillrói* uilig, agus na cinn a bhfuil / a raibh dátaí leo, grafadh idir 1811 agus 1820 iad. Do Phádraig de Búrca a scríobhadh gach ceann acu, ach COC M37 (37) a grafadh in 1812 agus ar cóip ghlan í d’ábhair COC C[6] (119) a scríobh Séamus an bhliain roimhe sin, 1811, do Phádraig. Ba é an Dr Séamus Mac Domhnaill a dhíol le Séamus *Mac Gillrói* COC M37 (37) a ghrafadh. Ó ba as an mbaile céanna don bheirt phátrún seo, Pádraig de Búrca agus an Dr Séamus Mac Domhnaill, luíonn sé le réasún gur trí Phádraig de Búrca a chuala an Dr Séamus Mac Domhnaill faoi Shéamus *Mac Gillrói*, agus gur dá bharr sin a ceapadh é leis an lámhscríbhinn seo a chóipeáil sa bhliain 1812. Bhí lámh sholáite éadrom ag Séamus *Mac Gillrói*, í giota beag claonta ar gcúl, agus tugann sé an-aire i gcónaí do leagan amach agus do mhaisiú na lámhscríbhinní. Tchíonn muid corruair dearmadtaí litrithe uaidh a théann go maith lena bhfuil ar eolas againn faoi Ghaeilge Cho. Mhuineacháin; féach an beagán samplaí seo a fuarthas ar aon leathanach amháin i lámhscríbhinn dá chuid, COFLA MF14 (c), lch 99, cuid d’Oifig na Marbh, *gúrab áige an Tigheárna; saoracha Sé* (aimsir fháistineach); *o gheachtaigh ifrinn; go bhaidh sé, go bhfaoidh se, go bhfaidh se; tré C[h]riosda, suamhnas síoraith*, srl. Tugtar leideanna eile faoina chanúint sa litir in LN G535, lgh 2-4, a cuireadh i gcló thuas, ós óna bhéal féin a tháinig caint na litreach. An beagán ábhair shaolta atá aige, tá claonadh le sonrú ann i dtreo fhilí an Tuaiscirt; féach go bhfuil dán aige le Séamus Mac Cuarta in LN G199(1).

*Sraith 2*: Ní dóigh liom go bhfuil Séamus *Mac Eldroi* (James McGilroy) le haithint leis an scríobhaí thuas. Litriú den chineál seo a bhíonn le sonrú i gcónaí sa tsraith seo lámhscríbhinní, gan trácht ar leagan na chéad sraithe áit ar bith. Thiomsaigh Séamus *Mac Eldroi* dhá lámhscríbhinn, ARÉ 23O56 (c) (1365) ag Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach, idir na blianta 1790 agus 1798; agus LPBF 2 sa Leithghlinn, Co. Cheatharlach, sa bhliain 1799. Bhí baint aige le LPBF 1 (lámhscríbhinn Mhuimhneach) fosta; deir Ó Buachalla (1968: 57 n.8) gur scríobh sé í, ní a bheadh intuigthe óna chatalóg, Ó Buachalla (1962: 1). Bhí a mhairt de thuairim ag Dempsey (1918), agus, dá bharr sin, ag tiomsaitheoirí an *Hayes Cat.*, 646 col. c. Maidir le stíl pheannaireachta Shéamuis *Mhic Eldroi*, cé go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir a chuid peannaireachta, agus stíl pheannaireachta Shéamuis *Mhic Gillrói*, ní féidir an dá lámh a aithint lena chéile, dar liom. Baineann lámhscríbhinní Shéamuis *Mhic Eldroi* le traidisiún an Deiscirt ó thaobh an ábhair agus eile, agus ní doiligh teacht ar fhoirmeacha teanga ón

Muirtheimhne'. Baile an Scothaigh, Muineachán 1812. Don Dr [Séamus] Mac Domhnaill.<sup>1674</sup>

III. **COC C[6] (119)**. 'Táin Bó Cuailnge', 'Brisleach Mhór Mhaighe

Muirtheimhne'. Baile an Scothaigh, Muineachán 1811.<sup>1675</sup> Do *Phádraig de Búrca*.<sup>1676</sup>

VII. **COFLA MF14**. Ábhar cráifeach: urnaithe, orthaí, srl. Do *Phádraig de Búrca*.

V. **LN G199(1)**. Cuid di.<sup>1677</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Domhnall Mac an Bhaird, 'Bruidhean Chaorthainn', 'Sluaite Ársaidh na Féinne' (tráchtas gearr). 1818.<sup>1678</sup> Do *Phádraig de Búrca*.

**LN G535**. Blogh di. Litir chuig *Pádraig de Búrca*. Baile an Scothaigh, Muineachán 1811.

---

taobh sin tíre ina chuid scríbhinní, m.sh. *gur cuiriog san cré leis, dá ttaigách, cean math ... céann math, slúath Mhuracha dó ttígach, do bhíach* (modh coinníollach), *ann fear aduag* (síneadh fada go falta thairis), *an fear aníar ná fíarthuig cad do dhénamh, san fear anir beig astig*, srl., ARÉ 23056 (c), lgh 70-2, agus claonadh láidir an mhír bhriathartha *do* a úsáid, m.sh. *do bhís, dob é*, srl., i gcás na haimsire caite, srl. Bheadh, gan amhras, scrúdú córasach ag teastáil nó go mbeifí in ann teacht ar thuairim faoin gcineál Gaeilge a bhí aige, agus ní mór cuimhneamh air fosta gur ar ábhar fréamhaithe na lámhscríbhinní a bhí sé ag tarraingt. Ní mór cuimhneamh air go raibh scríobhaí amháin eile ar a laghad, Michael Flynn (féach LN G976), ag saothrú i gCo. Cheatharlach thart faoin am sin. Tá lámh throm chruinn gan chlaonadh ag Séamus *Mac Eldroi*. Lena rá ar dhóigh eile, ní thagann an dá shraith lámhscríbhinní seo lena chéile ó thaobh ábhair, loig, canúna ná peannaireachta, sa dóigh go litríonn scríobhaithe an dá shraith an t-ainm coiteann atá acu ar dhá dhóigh ar leith i gcónaí. Ní fheicim go bhfuil bunús ar bith leis an tuairim gurbh aon duine amháin iad Séamus *Mac Gillrói* Cho.

Mhuineacháin agus Séamus *Mac Eldroi* Cho. Cheatharlach, agus níl trácht ar lámhscríbhinní na dara sraithe sa chuntas thuas. Tabharfar Séamus Mac Giolla Ruaidh ar Shéamus *Mac Gillrói* feasta, agus glacfar leis gur scríobhaí de chuid Cho. Mhuineacháin é.

<sup>1674</sup> An Dr Séamus Mac Domhnaill (1763-1845) ó Bhéal Feirste, Co. Aontroma. Tugtar cuntas ar a bheatha in Ó Buachalla (1968: 15, 17-23, 26-9, 40-4, 46-53, 64-6, 70, 72-7, 149-54), Beckett (1987: 145-6), Hughes (2006: 45-6, 62-3; 2006a: 65-6), agus in *Beath*. 1782-1881, 66 col. b – 67 col. a.

<sup>1675</sup> D'ullmhaigh Breandán Ó Conchúir cuntas ar an lámhscríbhinn seo mar chuid de thionscnamh *Irish Script on Screen* sa bhliain 2011. Maidir leis an nóta ar lch 139, 'Airno sgríob[h] do c[h]um uasaide Seamais do Buairc do c[h]omhnuig[h]eas a m[B]ealla na bhard', tugtar faoi deara gur i bpeannaireacht Eoghain Chaomhánaigh, iarshealbhóir, atá an méid seo; gheofar colafon an scríobhaí féin ar lch [139a].

<sup>1676</sup> Scríobhaí a bhí ann; féach an cuntas air i gCaib. 2.17 thuas.

<sup>1677</sup> Tá ceartúchán i lámh Shéamuis ar cheann de na duilleoga nár scríobh sé in LN G199(1), lch 216, agus is féidir go bhfuil breiseanna eile leis ann nár leag mé súil orthu.

<sup>1678</sup> Chuir an pátrún, Pádraig de Búrca, an dáta 1818 leis an gcolafon ar lch 270.



Scríobh Séamus Mac Giolla Ruaidh cnuasach lámhscríbhinní do Phádraig de Búrca (*q.v.*) sna 1810í, agus is é an ceann is spéisiúla agus is uailmhianaí díobh an chóip de ‘Táin Bó Cuailnge’ agus de ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’ atá in COC C[6] (119). Ba ar an 21 Bealtaine 1811<sup>1679</sup> a scoir sé den chóip de ‘Táin Bó Cuailgne’ atá inti a scríobh. Chuir sé litir ag triall ar Phádraig an 15 Meitheamh 1811 a thugann sracfhéachaint dúinn ar an dóigh a ndéanadh sé comhfhreagras leis. Tagraíonn sé inti do *lobhar beag* a bhí á scríobh aige, agus é cíocrach tuairim Phádraig a chluinstin faoin ‘[m]Bó Cuailnge’ .i. an lámhscríbhinn a bhí sé tar éis a chríochnú dó an mhí roimhe sin. An *lobhar beag* a bhí á scríobh ag Séamus ar an 15 Meitheamh 1811, ní féidir teacht air, murab é an dara cuid de COC C[6] (119) é, a cuireadh i gcrích ar an 22 Lúnasa 1811,<sup>1680</sup>

C[h]um Maighstear Paidraic a Buarke a *m*Beal Farsada a cCondaidh Aintrim

A Mhaig[h]stear,

Ó [t]hárla go bhfúairis comhgár, agus gur roibhe cómhgar agam, an líttéarsa do sgríobha fa do d[h]eain, agus fa da c[h]omrice, air an dúil go bhfuill tu fhein, is do bhean c[h]eille agus do mhoirion ana slainte mur taimsi anois, cuiríom ma m[h]eannacht [c]huguibh go (t)huille ar an uill go bhfuill sibh slain fallain mur taimsi. Ní bhfuill ean sgeull núai ansa tírsa agam is fú a bhéith dhá lúath agan. Ata do lobhar beag sgríobhtha achd beagan agam, agus ata dúil agam lé toil Dé a dhoil sios gan mhóil thugad go Beall Fársada, agus mas feidir go bhfuil eann lobhar éille le fáill, béith sé liom um c[h]udáchta.

Ata an lob[h]ar beag alainn de sgríobhtha ach is mian liom an mhoin do [fh]ágbhail air an mbainc<sup>1681</sup> aca, sol do rachai ma síos; cu[i]r sgeala chugam lé do [t]hoil (do bhairuibhal fa an Bó Cuailgne, nach ufaidhsach an slad agus an dicheanuibh do rinní C(h)uchullain ar fhearruibh Connachdá).

Ata duil agam go mbeith tu ’do mháighstear ar an lob[h]ar sin enoir [= aon uair] do rachás me sios; ní bhfuill moran lena rattha agam achd—

Glacaim o laimh tre ulíachd do [s]heirbhís ma ainím do sgríobhtha,

Stheamus Mac Gillroi.

<sup>1679</sup> COC C[6] (119), lgh 1-139a.

<sup>1680</sup> Tá cóip de ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’ a chríochnaigh Séamus Mac Giolla Ruaidh ar an 22 Lúnasa 1811 (lch 120a) sa dara cuid de COC C[6] (119).

<sup>1681</sup> *mbainc*, LS.

Arna sgríobha a mBaille an Scotti an cuiguibh lá deag don Mhi Iuno 1811.

Beidh duil agam le freagra ar fille don te air a mbeith an líttirsa ar umpuir agas ma ta a'n sceoil uair [= úr] agad lé cur chugain is feidir dhuit a c[h]ur leisan [= leis-sean].<sup>1682</sup>

Má bhí sé ar intinn aige dul síos go Béal Feirste leis an lámhscríbhinn eile gan mhoill ar an 15 Meitheamh 1811, ní dóigh gurb í an dara cuid de COC C[6] (119) í, rud nár críochnaíodh go dtí Fómhar na bliana sin. Dhealródh sé gur thaitin an chéad chuid di le Pádraig de Búrca, óir scríobh Séamus cóip eile don Dr Séamus Mac Domhnaill ón gcathair chéanna an bhliain ina dhiaidh sin, agus aghaidheanna na leathanach fágtha bán sa lámhscríbhinn seo aige;<sup>1683</sup> d'fhéadfadh sé go raibh sé beartaithe ag a phátrún aistriúchán Béarla den téacs a scríobh. Tugtar COC M37 (37) ar an gcóip seo, a scríobhadh sa bhliain 1812, agus tá na bearnaí céanna le fáil sna cóipeanna den scéal 'Táin Bó Cuailnge' atá inti agus in COC C[6] (119) (Ó Conchúir 1991: 86). Bhí Séamus fostaithe ag Pádraig arís sa bhliain 1818<sup>1684</sup> agus go fóill sa bhliain 1820 nuair a chóipeáil sé leabhar urnaithe dó nach bhfuil againn, murab ionann í agus COFLA MF14,<sup>1685</sup> mar a luadh thuas; tá Pádraig luaite mar phátrún inti. Tagraítear do James M<sup>c</sup>Elroy éigin i d*Tuarascáil* 1824 a raibh scoil aige in áith mhaol i dTamhsain Aichir,<sup>1686</sup> i bparóiste Mhuineacháin, ach is doiligh a rá an é an duine céanna é.

---

<sup>1682</sup> LN G535, lgh 2-4. Cheartaigh Séamus Mac Giolla Ruaidh é féin cúpla litriú sa litir; níor bhac mé leis na foirmeacha cealaithe a thabhairt anseo óir ní athruithe móra iad.

<sup>1683</sup> Ar mhaithe le haistriúchán, is dóigh. Is aisteach an scéal é gur tharla COC C[6] (119) i gcnuasach an Dra Séamus Mac Domhnaill fosta, an té a thug d'Eoghan Caomhánach í ar an 7 Nollaig 1819. Féach an nóta a scríobh Eoghan Caomhánach ar an bhfordhuilleog thosaigh.

<sup>1684</sup> LN G199(1).

<sup>1685</sup> Tá an t-ábhar céanna inti, ach níl dáta léi.

<sup>1686</sup> Tugtar 'Duneenair' [= Dunsinare] san fhoinsé ach is rídhócha gur dearmad cló é sin. Gheofar cóip den tuairisc in Ó Mearáin (1963: 86).

Tá a chuid litrithe neamhrialta go leor agus thabharfadh a chuid lámhscríbhinní eolas maith dúinn ar an gcineál Gaeilge a labhraítí i dtuaisceart Cho. Mhuineacháin dá ndéanfaí staidéar orthu. Is tréith spéisiúil eile dá chuid go n-úsáideann sé camóg bheag os cionn na litreach *c* mar phonc séimhithe.<sup>1687</sup>

## 2.84. Seán McGonigle

**COBÁC M23.\*** Ábhar cráifeach, cuid mhaith de doléite.

Níl d'eolas againn ar an duine seo, ach an méid a deir Énrí Ó Muirgheasa i nóta a chuir sé leis an lámhscríbhinn sa bhliain 1913,

This M.S. was written by Seán Mac Gonigle, a Doctor(?), great-grandfather of the present Sean Mac Gonigle, near Tiernasligo, Inishowen, Co. Donegal. 1913.<sup>1688</sup>

Is dóigh gur mhair sé tuairim na bliana 1820.

**Mac Gormáin:** *féach* Ó Gormáin

## 2.85. Mícheál Mac Gormáin, fl.1774

[Michael Gorman]

**MN R73.** Blogh di.<sup>1689</sup> Dán le hArt Mac Cumhaigh. ‘Drumgeenis’

[c.1774].<sup>1690</sup>

---

<sup>1687</sup> Féach an cuntas ar Pheadar Dubh Ó Dálaigh i gCaib. 2.145.

<sup>1688</sup> COBÁC M23, taobh istigh den chlúdach tosaigh. Tá nóta eile aige laistigh den chlúdach cuil, ‘The M.S. is chiefly interesting as being one of the only two Irish MSS. to have survived down to modern times in Co. Donegal, both in Inishowen. H. Morris. 1913’. Is dóigh go bhfuair sé an lámhscríbhinn am éigin in 1913, agus ón Seán Mac Gonigle eile, cibé duine é, a luann sé sa chéad nóta.

<sup>1689</sup> MN R73 (a), lch 108, mar aon le nótaí agus colafon uaidh i gcuid (a), lch 107, agus i gcuid (b), lch 402.

<sup>1690</sup> Ní féidir liom teacht ar an log seo, a luaitear i nóta Béarla i gcuid (a), lch 107, i bhfoinse ar bith. Ba dhóigh liom gur léigh an Moins. Ó Fiannachta an lámhscríbhinn go contráilte agus go raibh ‘Drumgeeny’ i gceist ach is léir go raibh sé ceart. Tá dhá bhaile fearainn ar a dtugtar ‘Drumgeeny’ i gCo. Mhuineacháin. Bunaíodh an dáta seo ar an gcolafon fáin a scríobh Mícheál suas síos ag deireadh na lámhscríbhinne, i gcuid (b), lch 402, ina dtugann sé an bhliain 1774 mar dháta.

Ba pheannaire maith é Mícheál Mac Gormáin, cé nach bhfuil againn uaidh ach cúpla rann de chuid an dáin ‘Tuireamh Airt Óig Uí Néill’ a cheap Art Mac Cumhaigh sa bhliain 1769.<sup>1691</sup> Is í seo an dara cóip is sine de dhán le hArt Mac Cumhaigh atá ar eolas agam; ghráf Eoin Mhac Cadhaidh (*q.v.*) [? ó dheisceart Cho. Ard Mhacha] an ceann eile sna 1760í; agus níor scaipeadh dánta Airt i bhfoirm lámhscríbhinne níos faide ó dheas ná Co. na Mí, go bhfios dom, agus níos faide siar ná oirthear Cho. an Chabháin. Is i lámhscríbhinní Cho. Lú agus Cho. Ard Mhacha amháin a fhaightear go flúirseach iad. Theip orm ‘Drumgeenis’ a cheangal le logainm ar bith, ar an drochuair.

[**Mac Luaidh**]: *féach* MacCloye

## 2.86. Pádraig Mac Laoghaire, *fl.*1788

**ARÉ 23D23 (509).** ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Tuireamh na hÉireann’, dánta le Pádraig Ward, [Séathrún] Céitinn, Tomás Mag Ruaidhrí, búrdúin agus dánfhocail, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’, ‘Fís Mherlínó’, ‘Bruidhean Chéise Corainn’. 1788.

Níl d’eolas agam ar an té a scríobh ARÉ 23D23 (509), Pádraig Mac Laoghaire, ach go raibh sé in amhras faoin dóigh ar cheart dó a ainm a scríobh,<sup>1692</sup> agus go raibh stíl throm chuartha peannaireachta á cleachtadh aige atá iontach coitianta i lámhscríbhinní Oiriaila san 18ú hAois. Níl an t-ábhar iontach éagsúil ó lámhscríbhinní eile na 18ú hAoise, taobh amuigh den fheartlaoi ar an mBr. Seon Ó

<sup>1691</sup> Fuair Art Óg Ó Néill bás sa bhliain sin. Tá an dán i gcló in Ó Fiaich (1973: 118-26).

<sup>1692</sup> Féach an colafon in ARÉ 23D23 (509), lch 193, nó an nóta san *R.I.A. Cat.*, 1471.

Néill (*ob.*1772), a cumadh le Pádraig Ward.<sup>1693</sup> Níorbh eol do Mhág Craith (1980: 276) cérbh é an Br. Seon Ó Néill, ná an file.<sup>1694</sup> Thug O’Rahilly (1952: 16) faoi deara, an té a chuir ‘An Síogaidhe Rómhánach’ in eagar, gur beag idir na cóipeanna de atá in ARÉ F.v.5 (36) le Henrí Mac an tSaoir, 1788, agus an leagan atá in ARÉ 23D23 (509), lámhscríbhinn Phádraig, a scríobhadh sa bhliain chéanna.

## 2.87. Eoin Mac Lochlainn, *fl.*1787

**LPBF 30 (c).** Cuid di.<sup>1695</sup> Nótaí ar ghinealaigh, codanna de ‘Iomarbhágh na bhFileadh’, giotaí de ‘Mac na Míchomhairle’. 1787.

Murab é an duine céanna é an scríobhaí Gaeilge Eoin Mac Lochlainn agus an tAth. John McLoughlin a ceapadh ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, ar an 27 Meitheamh 1795,<sup>1696</sup> ní heol dom goidé a bhí ann.

---

<sup>1693</sup> Tá an dán in eagar ag Mhág Craith (1967: 307-11); féach Mhág Craith (1980: 276) fosta.

<sup>1694</sup> Ar an ábhar gur dán ócáide é seo agus nach bhfuil an-tábhacht ag baint leis ó thaobh na litríochta de, is dóigh gur ceapadh é sa dúiche inar ghraf Pádraig Mac Laoghaire ARÉ 23D23 (509). Thuigfí ón dán go raibh cuid mhaith filíochta léite ag an té a scríobh, ó tharla go bhfuil macalla de ‘Tuireamh na hÉireann’ agus de *A mhacaoimh a théid a lasadh do léinn* le Séamus Mac Cuarta ann. Tugtar sraith fhada tagairtí d’uaisle Chúige Uladh agus Chúige Laighean sa dán, Clann Mhathghamhna, muintir Mhig Uidhir, srl., agus is spéisiúil go luaitear ina measc Clann Chana, nár de na móruaisle iad go deimhin. Más don chraobh acu a bhí lonnaithe thart faoin bhFíodh i ndeisceart Cho. Ard Mhacha atá an file ag tagairt, is féidir gurbh as an dúiche sin don scríobhaí, ach níl ann ach tuairim gan bhunús.

<sup>1695</sup> Tá dhá chineál peannaireachta sa lámhscríbhinn, ceann a bhfuil cuma ghairmiúil uirthi, agus ceann atá an-gharbh agus í sínithe ag Eoin Mac Lochlainn. Tugann sé an 12 Iúil 1787 mar dháta le dán amháin, ach chuir Eoin nótaí le ginealach Dhomhnaill mhic Ardghail mhic Lochlainn [? Mhic Lochlainn], ceann acu ag trácht ar Shéamus Mhac Lochlainn éigin a rugadh sa bhliain 1789.

Tá an chuid is mó de na ginealaigh seo i bpeannaireacht líofa an dara scríobhaí; cuid de shaothar Pheadair Uí Chonaill atá ann, agus an dáta 1782 le giota amháin.

<sup>1696</sup> Níl aon sonraí agam i dtaobh an ollaimh seo, ach an méid a thugann Healy (1895: 208) faoin mbliain 1795, ‘On the same 27th of June [1795] the REV. JOHN M’LOUGHLIN was appointed Professor of the Irish Language. ... It does not appear that the Rev. John M’Loughlin ever took possession of his Chair; and that is, doubtless, the reason why his name is omitted from the list of the Professors of the Irish Language published in the *Calendar*. Most likely there were few, if any, students prepared to learn Irish, during the first few years of the existence of the College’. Tugann Ó Ceallaigh (1968: 110, 113) ‘Seán Mac Lochlainn’ air, ach is dóigh nach bhfuil i gceist ansin ach aistriúchán meicniúil ar an leagan Béarla. Dhealródh sé go raibh sé ag brath ar an bhfaisnéis a tugadh in Healy (1895).

**2.88. Seán Mac Maghnuis,**<sup>1697</sup> *fl.*1753

[John Mac Mannus]<sup>1698</sup>

**CT H.6.26 (1714).** ‘Críocha Déanacha an Duine’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Cáineadh Whaley’. 175[3].

Tá blúirí beaga droch-Laidine sa lámhscríbhinn<sup>1699</sup> mar aon le colafon, ‘Scriptum per me Joannes Mac Mannus in Hiberniae’.

**2.89. Henrí Mhac Muircheartaigh,** *fl.*1723-5

[Henry Murtagh]

**LN G411.** Formhór dí.<sup>1700</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta, ‘Do Theacht Anticríosd’, sleachta as ‘Riaghail Uí Dhubhagáin’. An Cillín, An Scrín, An Mhí<sup>1701</sup> 1723-<sup>4</sup>/<sub>5</sub>. Dá mhac baistí, *Seon Ó Loingsigh*.

Trua nach bhfuil tuilleadh againn ó pheann an scríobhaí chumasaigh seo, a raibh cónaí air sa Chillín, i mbarúntacht na Scríne, Co. na Mí. Thuigfí gurbh fhear déanta é faoin am ar scríobh sé LN G411, óir deir sé linn gur ghraf sé í dá mhac baistí, Seon Ó Loingsigh.<sup>1702</sup> Is é rud atá in LN G411, an cnuasach is substaintiúla atá againn de dhánta Shéamuis Mhic Cuarta díobh siúd a cuireadh le chéile le linn don fhile féin a bheith ina bheatha (Dillon 2013a: 118), agus ní heol dom go bhfuil dán le Pádraig Mac a Liondain i lámhscríbhinn ar sine í ná lámhscríbhinn Henrí. Agus faisnéis na

---

<sup>1697</sup> Tá nóta Laidine den chineál a luaitear i nóta 1699 thíos in LN G460, lch 88, ach nílím sásta gur scríobh Seán í; tá an pheannaireacht cosúil lena bhfuil in CT H.6.26 (1714), ach toisc go bhfuil sí beagán so-athraithe in LN G460, ní dóigh liom gur féidir a bheith cinnte gurbh eisean a ghraf í.

<sup>1698</sup> Tugtar dhá leagan dá ainm: (1) CT H.6.26 (1714), lch 29, i nóta gealltanais, ‘I promise to pay ounto John Manus ... this <.><sup>th</sup> day of August 175<.>’; (2) ina lámh féin, lch 24, ‘... Joannes Mac Mannus’.

<sup>1699</sup> CT H.6.26 (1714), lch 24, ‘Patricius primus putate Patronus protectoris publica palma poti ...’ Féach an *T.C.D. Cat.*, 328.

<sup>1700</sup> Lgh 182. Ta lgh 83-95 i bpeannaireacht Shéamuis Mhic an Ultaigh (*q.v.*), ceapaim. Ba as Co. na Mí dó. Féach nóta 1045 thuas.

<sup>1701</sup> Tugann an scríobhaí féin le fios gurbh ‘o Chillín’ dó i gcolafon ar lch 75 sa lámhscríbhinn, agus thuairimigh Ó Casaide (1928: 59) go raibh an áit darb ainm An Cillín [‘Killeen’] atá i mbarúntacht na Scríne i gceist aige. Taispeánann dréacht conartha atá sa chuid den lámhscríbhinn LB Eg. 170, f. 12b, a ghraf Séamus Biatach (*q.v.*), gur fíor sin. Féach an *B.M. Cat.* ii, 352.

<sup>1702</sup> LN G411, lch 78. Deirim sin ar an tuiscint go raibh Henrí breis agus 15 bliana d’aois nuair a sheas sé le Seon Ó Loingsigh, agus gur dóigh go raibh Seon in ann Gaeilge a léamh nuair a thosaigh Henrí a ghrafadh na lámhscríbhinne dó.

lámhscríbhinne meáite ag Dillon (2013a: 121), deir sé an méid seo faoina thábhachtaí is atá sí mar thobar filíochta,

Mac Muircheartaigh, in writing LNI G411, makes frequent note of the date of his work, explicitly stating on p. 78 that it was completed on the sixteenth of February 1725. The poems of Mac Cuarta copied by him represent a chronological spread of the poet's *oeuvre*, from the early laments for the Jacobite fallen, through the heartfelt loss of his friend Niall Óg Mac Murchaidh to the late work represented in *Rachaidh mé go Droim Bile 's beidh bonn beag chun óil liom*, which ... speaks in the final verse of the loss of Mac Cuarta's friends and companions (Niall Óg included) and his impending old age. ... The fact that the majority of the poetry in Mac Muircheartaigh's manuscript can be linked with Mac Cuarta may signal a wish on behalf of the scribe to anthologise his work, ... the possibility that Mac Muircheartaigh was a native of Killen, Co. Meath, points to the geographical area which features prominently in the poem *Neosfad daoibh a lucht an tsuarcais* and others by Mac Cuarta, and may indicate that the poet and the scribe were acquainted.<sup>1703</sup>

Ní féidir Henrí a cheangal go díreach le haon scríobhaí eile a bhí beo lena linn ach Séamus Biatach (*q.v.*), nó is eisean an 'Henry Murtagh ... barroney of Skreen' a luaitear i ndrúacht conartha i lámhscríbhinn Shéamuis.<sup>1704</sup> Mheabhródh a chuid peannaireachta dúinn, agus an t-ábhar a chinn sé a scríobh, go bhféadfadh sé go raibh baint láidir ag Henrí le Seon Mhac Solaidh (*q.v.*), nó le duine eile dá lucht comhaimsire a bhí ag saothrú i ndeisceart Cho. na Mí sa chéad cheathrú den 18ú hAois.<sup>1705</sup> Má ba é Séamus Mac an Ultaigh ó Cho. na Mí a scríobh an dán i gcúl lámhscríbhinn Henrí, is dóigh go raibh sí fós in oirthear Cho. na Mí sa dara leath den 18ú hAois.<sup>1706</sup>

---

<sup>1703</sup> Dillon (2013a: 121). Tá plé fada déanta ag Dillon (2013a: 118-21) ar LN G411 ar fiú é a léamh taobh lena bhfuil thuas.

<sup>1704</sup> Féach nóta 1701 thuas.

<sup>1705</sup> Féach Caib. 1.4.1.2 thuas.

<sup>1706</sup> Féach nóta 1700 thuas.

LN G380.<sup>1707</sup> Leagan gearr d’Fhoclóir Mhic Cruitín. An Sráidbhaile [= Dún Dealgan], An Lú 1798.

Murab ionann agus na scríobhaithe eile bunús uilig, tá mórán taighde déanta ar mhuintir an scoláire mhaith Gaeilge sin, an tOir. Uilliam Mac Néill, an té a scríobh *An Introduction to the Irish Language* (1808), an chéad leabhar gramadaí dá chineál, deirtear, a thug urraim éigin don teanga labhartha. Scríobhadh cúpla cuntas fada air—agus ar an mbaint a bhí ag muintir Mhic Néill trí chéile le cúrsaí Gaeilge—in Ó Casaide (1929: 40-6), Ó Buachalla (1968: 60-4), Ó Saothraí (1974; 1989; 1992), Blaney (1996: 56-63, 65), agus tá cuid mhaith tagairtí fáin dó i saothair eile, D’Alton & O’Flanagan (1864: 340-6), Hughes (2006: 50-3, 55), *Beath.* 1782-1881, 79 col. a – 80 col. a.

Rugadh Uilliam Mac Néill ar an 12 Meán Fómhair 1774 i Ráth Déamain, Co. an Dúin, an ceathrú mac leis an Oir. Moses Neilson (c.1739-1823) agus Catherine Welsh (ob.1827). Ba de shliocht John Knox í Catherine Welsh. Clann deichniúir a bhí acu: James Nelson (1768-1838), Joseph Andrew Nelson (1770-1835), John Nelson (1772–), William Neilson (1774-1821), Jane Nelson (1777-1824),<sup>1708</sup> Andrew Nelson (1779-1860), Robert Nelson (1781-1838), agus Arthur Nelson (1785-1831).<sup>1709</sup> Oide múinte agus ministéir Preispitéireach na Cille Móire, Co. an Dúin, a bhí san Oir. Moses Neilson, duine a raibh clú air mar dhuine liobrálach agus

<sup>1707</sup> Is beag atá ar eolas faoi stair na lámhscríbhinn seo. Cheannaigh Séamus Ó Caiside í ar an 29 Samhain 1927 ó Mary Anne O’Flynn (c.1870-1952), baintreach Sheághain Sheosaimh Uí Fhaircheallaigh (1845-1927), mar aon le cúpla lámhscríbhinn eile de chuid a fir chéile. Féach Aguisín 18 i dtaobh an scoláire seo, agus an *N.L.I. Cat.*, ix, 10, áit a ndéantar tagairt d’iarshealbhóirí na lámhscríbhinne.

<sup>1708</sup> Phós Jane Nelson John Getty (ob.1829) ó Dhún Dealgan.

<sup>1709</sup> Bunaíodh an t-eolas seo ar *Fasti* na hEaglaise Preispitéirí, agus tá cóipeanna de chuid de na sonraí i gcló in Blaney (1996: 56, 65-6), agus in Ó Saothraí (1974: 81 col. b, 82 col. a, 86 col. b; 1989: 20, 28; 1992: 8, 13, 65, 85, 92, 96). Réitíonn an bheirt údar seo go maith lena chéile, ach gur dearmad cló an dáta báis 1834 a bheith luaite le Jane Nelson, deirfiúr Uilliam, in Blaney (1996: 65).



léannta lena linn féin. Bhunaigh sé acadamh—scoil chónaitheach a mbíodh daltaí lae ag freastal uirthi—i Ráth Déamain sa bhliain 1770, áit ar oileadh Uilliam, is dóigh. Ba dhóigh le hÓ Buachalla (1968: 60) go raibh Gaeilge ag Uilliam ‘ón gliabhán’, agus tá an chuma ar an scéal gur chuir a athair an-spéis sa teanga, mar theanga acadúil agus liteartha, cibé rud é. Níl ábhar Gaeilge ar bith againn ó lámh an Oir. Moses Neilson, ach d’fhág Arthur Johnston taifead dar dáta 1784 againn a léiríonn go raibh sé ag déanamh staidéir ar litríocht na teanga,

... Moses Neilson, is a most agreeable character, and a man of much culture and learning. He is perfection in Latin, Greek and Hebrew, as in the native Irish tongue. The Dissenters and Papists of this parish mostly speak in that language, and his prayers and discourses are made in it. He had collected much of the ancient fables and ballads, and is labouring on a grammatical account of Irish.<sup>1710</sup>

Cheap an Dr Joseph Nelson, iarua leis an Oir. Moses Neilson, gur ghlac Moses agus Uilliam an litriú ‘Neilson’ dá sloinne chucu in ómós dá sinsir; agus gur cosúil gur tharla sin am éigin idir na blianta 1787 agus 1789 (Blaney 1996: 64). Tuigeadh don Dr Nelson nár bhain éinne eile sa teaghlach leas as an leagan sin, ach tá faisnéis againn nach fíor sin amach is amach (Ó Saothraí 1974: 87 col. a *n*.12). Ba sa bhliain 1789 a chuaigh Uilliam go hOllscoil Ghlaschú a dhéanamh staidéir, ach dealraíonn sé ó thaifid na hOllscoile nár bronnadh céim air. Sa chuntas a scríobh D’Alton & O’Flanagan (1864: 311-12, 340-6) ar bheatha Uilliam, d’áitigh siad gur chaith sé dhá bhliain i nGlaschú, agus gur éirigh go maith leis ann. Ar fhaisnéis iníon de chuid Uilliam, Catherine Sloane, a bunaíodh an chuid is mó den chuntas seo, agus

---

<sup>1710</sup> Sliocht as *Irish News*, an 9 Eanáir 1946, a fuarthas in Ó Saothraí (1989: 20; 1992: 9).

déanann Ó Saothraí (1989: 21; 1992: 19) amach gur dóigh gur fhág Uilliam an ollscoil thart faoin mbliain 1791.<sup>1711</sup>

Diomaite de gur ghnách glacadh le ráiteas D’Alton & O’Flanagan (1864: 341) go bhfuair Uilliam ceadúnas le seanmóirí a thabhairt sa 19ú bliain dá aois, is é sin, am éigin idir an 12 Meán Fómhair 1792 agus an 11 Meán Fómhair 1793, tá Ó Saothraí (1992: 19-20, 22) tar éis a thaispeáint go bhfuil amhras ag baint leis seo. Deirtear sna *Fasti* go bhfuair Uilliam ceadúnas ó Chúirt Eaglasta Ard Mhacha, ach ní shonraítear dáta ann. Ba í an chúirt chéanna a d’oibrigh é sa bhliain 1796; agus tá tuairim ag Ó Saothraí (1992: 20), agus údar maith aige,<sup>1712</sup> gur tugadh ceadúnas dó an bhliain chéanna, am éigin idir an 28 Meitheamh 1796 agus an lá ar oirníodh é, an 21 Nollaig 1796. Fágann sin, más ceart an méid sin, nach féidir teacht ar eolas ar bith i dtaobh ghníomhaíochtaí Uilliam idir na blianta 1791 agus lár na bliana 1796. ‘O’Laverty [(1895: 568)] seemed in no doubt that William was a pupil of Patrick Lynch’ a scríobh Blaney (1996: 56), ach is dóigh le hÓ Saothraí (1989: 21; 1992: 21) gur féidir go ndeachaigh sé chuig an scoil sin den chéad uair ‘d’fhonn an Ghaeilge liteartha – teanga na lámhscríbhinní – a fhoghlaim’. Ós rud é gurbh oide cumasach agus scoláire Gaeilge é an Dr Moses Neilson, is doiligh a chreidiúint nach raibh cur amach éigin ag Uilliam ar an teanga scríofa faoin am ar thosaigh sé a phlé cúrsaí lámhscríbhinní le Pádraig Ó Loingsigh, ná go ndéanfadh sé an turas go Loch an Oileáin de ghrá oiliúna a thiocfadh lena athair féin a thabhairt dó sa bhaile. Níl ach

---

<sup>1711</sup> Tuairimíonn Ó Saothraí (1992: 19) gur imigh Uilliam ón ollscoil thart faoi mhí na Bealtaine 1791, ag deireadh na bliana acadúla. Deir Blaney (1996: 56) gur fhreastail Uilliam ar an ollscoil idir na blianta 1789 agus 1793.

<sup>1712</sup> Tugtar anseo plé an-ghearr ar argóint Uí Shaothraí (1992: 19-20, 22): thugtaí na cúirteanna eaglasta ceadúnais do na mic-chléirigh óga, agus ba ghnách do na mic-chléirigh dul faoi scrúdú i cibé cúirt eaglasta a raibh a bpobal féin bainteach léi. Níor bhain an Chill Mhór, an teach pobail lenar bhain muintir Mhic Néill, le Cúirt Eaglasta Ard Mhacha, ach le Cúirt Eaglasta Cill Ó Laoch, go dtí an 28 Meitheamh 1796, ‘nuair a thug Sionad Ginearálta Uladh cead ... don Dr Moses Neilson dealú le Cúirt Eaglasta Chill Ó Laoch agus a bheith bainteach feasta le Cúirt Eaglasta Ard Mhacha’ (Ó Saothraí 1992: 20). Bheadh ciall leis, mar sin, gurbh ó Chúirt Eaglasta Ard Mhacha a fuair Uilliam cead, má tugadh an ceadúnas dó, am éigin tar éis an 28 Meitheamh 1796.

an méid is lú eolas ar fáil i dtaobh an cheangail a bhí ag an mbeirt scoláirí Gaeilge seo, Pádraig agus an tOir. Uilliam, lena chéile.

Bhí an tOir. Aindrias Briosaín (*ob.*1797) tar éis éirí as a phost i nDún Dealgan ar an 22 Meitheamh 1796, mar gheall ar chúinsí sláinte, is dóigh, agus fágadh an pobal gan ministéir go dtí gur fhaomhaigh an tIarla Roden an tOir. Uilliam Mac Néill don phost ar an 6 Eanáir 1797.<sup>1713</sup> Níorbh fhada ina dhiaidh sin a phós an tOir. Uilliam Jane Warnock, agus chuir siad fúthu i nDún Dealgan (Ó Saothraí 1974: 82 col. a; 1989: 22; 1992: 27), áit a dtugadh an tOir. Uilliam seanmóirí i nGaeilge agus i mBéarla. Dhealródh sé go dtugadh sé seanmóirí i bparóiste a athar, An Chill Mhór, scaití, agus tá scéal againn gur tugadh os comhair na n-údarás é sa bhliain 1798 as siocair gur measadh go raibh sé ag gríosadh phobal na Cille Móire chun páirt a ghlacadh san Éirí Amach.<sup>1714</sup> Thart faoin am céanna, bhunaigh sé scoil nó ‘acadamh’, mar a thugtaí orthu na laethanta sin, i Sr. Chlann Bhreasail,<sup>1715</sup> agus bhí acadamh ag a dheartháir, James Nelson, i nDún Pádraig faoi dheireadh na haoise sin. Bronnadh dochtúireacht ar a athair, an Dr Moses Neilson, sa bhliain 1792. Chuaigh cuid mhaith de na deartháireacha a bhí ag an Oir. Uilliam le brainsí difriúla léinn: chuaigh James Nelson go hOllscoil Ghlaschú faoi choinne na máistreachta, rud a bronnadh air sa bhliain 1788; agus fuair deartháir eile, Joseph Andrew Nelson, céim M.D. ann sa bhliain 1801 (Ó Saothraí 1992: 19).

An lámhscríbhinn de chuid an Oir. Uilliam atá againn, LN G380, grafadh í i nDún Dealgan sa bhliain 1798. Leagan gearr d’fhoclóir Mhic Cruitín agus Uí Bheaglaoidh atá inti, agus ba an tOir. Uilliam é féin a réitigh an leagan seo. Ar na tréithe is

---

<sup>1713</sup> Tá taifead air seo i Leabhar Éastáit an Iarla Roden faoin 6 Eanáir 1797, ní a thugtar in Ó Saothraí (1989: 21-2; 1992: 39). Deir Ó Saothraí (1992: 39) gur theip air taifid bhaiste, srl., a fháil, agus ní fearr a d’éirigh liom féin.

<sup>1714</sup> Is iomaí leagan den scéal atá i gcló, ach is dóigh go dtéann siad uilig siar don leagan a cuireadh i gcló in D’Alton & O’Flanagan (1864: 343-4).

<sup>1715</sup> Is dóigh le hÓ Saothraí (1992: 28) gur osclaíodh an scoil seo thart faoi dheireadh na bliana 1797.

spéisiúla a bhaineann leis an lámhscríbhinn, a tharla i gcnuasach lámhscríbhinní Sheághain Sheosaimh Uí Fhaircheallaigh (1845-1927),<sup>1716</sup> tá an comhartha úd *h* (le haghaidh *th*) a ghlac Pádraig Ó Loingsigh chuige (Ó Casaide 1929: 40), agus é ag réiteach *An Soisgeal do reir Lucais, agus Gniovarha na Neasbal* (1799) do Whitley Stokes sa bhliain 1796. Ní raibh an saothar sin, ar ndóigh, i gcló nuair a bhí LN G380 á scríobh ag an Oir. Uilliam. Ba thart faoin am sin a tháinig a chuid páistí ar an saol. Rugadh cúigear, go bhfios dúinn, don Oir. Uilliam agus dá bhean Jane, ach níl taifid chruinne againn ar a gcuid dátaí breithe. Ba í Mary Neilson (c.1798-1851) an chéad pháiste.<sup>1717</sup> Phós sí aturnae darbh ainm John Wallace ó Bhéal Feirste i Ráth Déamain an 18 Meán Fómhair 1820. Lean Catherine Neilson (c.1801-1808) í, agus cailleadh í ar an 25 Feabhra 1808; adhlacadh í i Reilig San Niocláis, Dún Dealgan, le linn dá hathair a bheith ina mhinistéir sa bhaile sin. Ba é William Neilson (c.1803-1856) an tríú páiste, agus lean Jane Neilson (c.1805-1827)<sup>1718</sup> é. An páiste deiridh, Catherine Neilson (fl.1821-64) a bhí uirthi, agus chuaigh sí chun cónaí i gCorcaigh, tar éis di ministéir eile a phósadh ar an 6 Samhain 1834, an tOir. Samuel Hans Sloane. Níl dáta a báis ar eolas againn.<sup>1719</sup>

Cuireadh an chéad saothar clóite de chuid an Oir. Uilliam atá againn, *Greek Exercises in Syntax, Ellipsis, Dialects, Prosody and Metaphrasis* (1804) amach sa bhliain 1804. B'íomaí uair a cuireadh athchló air, agus ba mhór an clú a thuill sé dó: bhronn Ollscoil Ghlaschú céim D.D. air sa bhliain 1805. Foilsíodh *A Key to the Greek Exercises* (1804) mar eochair leis an ngraiméar Gréigise an bhliain chéanna, agus thug sé aghaidh ar ghraiméar Gaeilge ina dhiaidh sin. A fhad is a bhí sé ag obair

<sup>1716</sup> Tugtar beathaisnéis ghearr air in Aguisín 18, nó féach nóta 1707 thuas.

<sup>1717</sup> Fuarthas na sonraí ach beagán in Ó Sathraí (1974: 82 col. c; 1992: 39-40).

<sup>1718</sup> Deirtear in Ó Sathraí (1992: 40) go bhfuair sí bás gan pósadh i nGlas Naíon an 2 Iúil 1827, ach tugtar a haois i gClár na nAdhlacthaí (Eaglais na hÉireann), *Glas Naíon*, Baile Átha Cliath. Deirtear gur adhlacadh í an 5 Iúil 1827 agus go raibh sí 22 bhliain d'aois ar uair a báis.

<sup>1719</sup> Thug sí cuid mhaith eolais do D'Alton & O'Flanagan (1864: 346) i dtaobh a hathar.

ar an leabhar gramadaí sin, thug sé cuid mhaith seanmóirí i gCúige Uladh i rith na bliana 1805.<sup>1720</sup> Chonaic muid thuas gur úsáid an tOir. Uilliam córas neamhghnách litrithe san aon lámhscríbhinn amháin dá chuid atá againn, LN G380, córas a cheap Pádraig Ó Loingsigh (*q.v.*) ó Loch an Oileáin, Co. an Dúin, go bhfios dúinn, agus é ag déanamh obair eagarthóireachta do Whitley Stokes sa bhliain 1796. Tá an chosúlacht air go raibh an tOir. Uilliam agus Pádraig ag babhtáil téacsanna lena chéile, nó go raibh baint acu leis an ngréasán liteartha céanna. Níor cheadaigh an tOir. Uilliam an córas ortagrafaíochta sin ina mhórshaothar Gaeilge, áfach, *An Introduction to the Irish Language* (1808), graiméar Gaeilge a críochnaíodh sa bhliain 1806. Sa bhliain chéanna, foilsíodh Stokes (1806), saothar inar áitigh ‘údar’ *An Soisgeal do reir Lucais, agus Gníovarha na Neasbal* (1799) go raibh gá leis go bpriontálfaí na soiscéil i nGaeilge do phobal na tuaithe. Agus mar chosaint ar iomchasán Vallancey i dtaobh chóras litrithe Stokes (córas Phádraig Uí Loingsigh, ar ndóigh), a bheith barbartha, phriontáil Stokes (1806: 7-8) teastais ó scoláirí Gaeilge éagsúla inar áitíodh gur chuidigh an córas leasaithe seo le cainteoirí Gaeilge an saothar a léamh. Ar na scoláirí seo, bhí ‘Dr. Neilson of Dundalk, who has a salary from the Presbyterian Synod, for preaching in the Irish language’.<sup>1721</sup> Ar a scáth sin agus eile, is spéisiúil an ní é gur tuigeadh do Sheán Ó Donnabháin sa bhliain 1845 go raibh baint láidir ag Pádraig Ó Loingsigh le *An Introduction to the Irish Language* (1808). Áit arbh fhearr le húdair a tháinig ina dhiaidh a áiteamh gur chuidigh Pádraig leis an Oir. Uilliam ábhair a bhailiú, níor mhiste le Seán Ó Donnabháin comhúdar a bhaisteadh ar Phádraig sa réamhrá lena shaothar féin,

This grammar is the joint production of Dr. Neilson and Mr. Patrick Lynch, a native of the parish of Inch, near Castlewellan, in the county of Down. Mr.

<sup>1720</sup> Luann Blaney (1996: 58, 224 *n.*125) tagairtí i bpáipéir nuachta do sheanmóirí a thug sé i mBéal Feirste i mí Iúil 1805 agus i mí Mheán Fómhair 1805.

<sup>1721</sup> Stokes (1806: 7-8); faoi athchló in de Brún (2009: 73).

Lynch had a good practical knowledge of the dialect of Irish spoken in the east of Ulster, but was a rude scholar. The orthography, however, and grammatical rules, are adapted to this dialect, and not to the general language. The arrangement of the work is excellent, but it is to be regretted that the examples given to illustrate the rules are, for the most part, provincial and barbaric.<sup>1722</sup>

Tuairimíonn Mac Giolla Fhinnéin (1993: 111), a scríobh beathaisnéis ar Phádraig Ó Loingsigh, gur bhraith an tOir. Uilliam cuid mhaith ar *Bolg an tSolair* (1795), saothar a réitigh Pádraig Ó Loingsigh, ach ‘gurbh é Neilson féin a chruinnigh agus a scríobh síos na “familiar phrases and dialogues” atá i dtús Chuid 2 den ghraiméar. Is fiú a lua nach bhfuil na sonraí a thugann Seán Ó Donnabháin i dtaobh Phádraig Uí Loingsigh iontach cruinn, agus nach bhfuil faisnéis mhaith againn go raibh páirt shubstaintiúil ag Pádraig i dtiomsú an leabhair ghramadaí ar chor ar bith.<sup>1723</sup>

Dhealródh bunús éigin a bheith le heolas Sheáin Uí Dhonnabháin. Is ar an ábhar gur scríobhadh an tiomnú d’Iarla Hardwicke an 1 Márta 1806 a ghlacann Ó Saothraí (1974: 83 col. a; 1989: 25-6; 1992: 43) leis gur críochnaíodh an saothar an lá sin; agus tá tugtha aige, le tacú leis sin, sliocht as fógra a foilsíodh ar an 8 Márta 1806 inar áitigh an tOir. Uilliam Mac Néill go raibh an saothar réidh don chlódóir aige, agus é de chuspóir ag an saothar ‘... to preserve the knowledge of our native language ...’<sup>1724</sup> Cuireadh an graiméar faoi athchló sna blianta 1843, 1845 agus, faoi dheoidh, sa bhliain 1990.

Idir an t-am ar críochnaíodh agus ar priontáladh *An Introduction to the Irish*

*Language* (1808), ceapadh an tOir. Uilliam ina Mhodhnóir ar feadh bliana ag Sionad

---

<sup>1722</sup> O’Donovan (1845: lx). Déantar plé ar Phádraig Ó Loingsigh (*ob.* 1838(?)) i gCaib. 2.185 thíos. Tá cúpla lámhscríbhinn fhoirfe dá chuid againn, agus na hamhráin a bhailigh sé do Edward Bunting.

<sup>1723</sup> Tuairimíonn Ó Casaide (1929: 40) gur thug Pádraig Ó Loingsigh cuidiú don Oir. Uilliam nuair a bhí sé i nDún Dealgan ag grafadh lámhscríbhinní do Shomhairle Ó Coltran sa bhliain 1800. Deir sé fosta go raibh an bhunchóip den ghraiméar ar díol ag Seán Ó Dálaigh sa bhliain 1850 (Ó Casaide 1929: 40n.), ach más ceart sin dó, ní heol dom cá bhfuil an lámhscríbhinn sin anois.

<sup>1724</sup> *Dublin Evening Post*, an 8 Márta 1806. Tá an sliocht seo in Ó Saothraí (1992: 43). Tugtar plé fada ar an saothar, agus sleachta as léirmheasanna [William] H[aliday], O’Donovan (1845), srl., in Ó Saothraí (1974: 83 col. b – 84 col. b; 1992: 50-63), agus in Blaney (1996: 58-61).

na bliana 1806 (Blaney 1996: 62). Níorbh fhada ina dhiaidh sin a cuireadh saothar eile dá chuid i gcló, *The Foundation and Nature of the Fear of God, Considered; In a Discourse, Delivered at a Meeting of the General Synod of Ulster* (1807), seanmóir a thug sé sa Chorr Chríochach, Co. Thír Eoghain, ar an 30 Meitheamh 1807. Tar éis dó an dá leabhar gramadaí eile a chur i gcrích, chuir sé leabhar gramadaí Béarla de, *Elements of English Grammar Expressed in Easy Language* (1809). Bliain ina dhiaidh sin, foilsíodh *Greek Idioms Exhibited in Select Passages from the Best Authors* (1810). Ní raibh teorainn leis an méid oibre a rinne an tOir. Uilliam sna blianta sin; ba dhóigh lena lán dá lucht comhaimsire gurbh é ‘excessive application to his favourite literary pursuits’ (Scurry 1828: 39) ba shiocair lena bhás. Scríobh an tOir. Uilliam leabhar bunúsach Gaeilge don *London Hibernian Society*, *Cead Leabhar na Gaoidheilge* (1810), sa bhliain chéanna, ach ba bheag an bhaint a bhí aige leis na cumainn bhíoblóireachta. Taobh amuigh d’aitheasc a thug sé ar bhéal uaigh James Reid, a priontáladh sa bhliain 1812, is beag eile a chuir an tOir. Uilliam i gcló ón lá sin ar aghaidh. Lean sé d’obair an Acadaimh, áfach, a bhí ar bun tuairim is 15 bliana faoin am ar priontáladh an fógra seo sa *Newry Telegraph* an 19 Nollaig 1812, rud a thugann léargas éigin ar an gcineál ábhair a bhí á theagasc san Acadamh aige,

Classical and Mercantile  
School, Dundalk  
Rev. William Neilson, DD, MRIA,  
Master.

Vacation will end on Wednesday the 13th of January 1813.

Terms: Entrance: Three Guineas. Board and Tuition,  
Thirty Guineas per annum. Hebrew, French and Irish,  
Two Guineas each,  
additional, per annum. Latin is the language spoken

in the Classical School.

The situation is healthful and convenient for Sea Bathing.<sup>1725</sup>

Téann sé seo go measartha maith le tagairt eile a d'aimsigh Ó Saothraí (1989: 26; 1992: 64) in Pilson (1846: 88) do ghraiméar Eabhraise a scríobh an tOir. Uilliam Mac Néill, saothar nach bhfuil againn anois. Is cosúil go raibh sé fós ag tabhairt seanmóirí ar fud an Tuaiscirt faoin am sin; féach go luann Ó Snodaigh (1977: 15) fógra eile sa *Newry Telegraph*, an 1 Meitheamh 1813, faoi sheanmóir a bhí le tabhairt ag an Oir. Uilliam i dteach tionóil Iúr Chinn Trá ar an 4 Meitheamh 1813.

Bhí acadaimh eile á n-oscailt ar fud an Tuaiscirt san am seo, agus is dóigh gur buaileadh buille droma ar Acadamh Dhún Dealgan nuair a bhog an tAth. John Keenan a scoil chlasaiceach go Dún Dealgan ag tús na bliana 1817.<sup>1726</sup> Ghlac an tOir. Uilliam tairiscint sa bhliain 1818 dul go dtí an t-acadamh ba mhó a bhí i mBéal Feirste ag an am, Foras Acadamhach Bhéal Feirste, le bheith ina phríomhoide ar an scoil chlasaiceach, agus ina Ollamh le Gaeilge, Eabhrais agus na Teangacha Clasaiceacha ann. Diomaite de nár scar sé go foirmeálta lena chúraimí i dteach pobail Dhún Dealgan go dtí an 23 Iúil 1818 (Ó Saothraí 1992: 82; Blaney 1996: 62), tá an chuma ar an scéal go raibh sé ag déanamh ullmhúchán le dul go Béal Feirste in Earrach na bliana sin, agus go raibh sé ag feidhmiú san Fhoras ag an am céanna. Fógraíodh ar an *Belfast Newsletter* an 22 Bealtaine 1818 go raibh an tOir. Uilliam le *discourse* a thabhairt i nGaeilge i dteach pobail Shr. Dhún na nGall, Béal Feirste, áit a mbíodh athair Aindriasa Briosáin agus Shomhairle Briosáin (*qq.v.*), an tOir. James Bryson (c.1730-1796), i mbun a chúraimí idir na blianta 1792 agus bliain a bháis.<sup>1727</sup>

---

<sup>1725</sup> *Newry Telegraph*, an 19 Nollaig 1812. Tugtar an tagairt sin in Ó Saothraí (1992: 66).

<sup>1726</sup> Rinneadh plé gearr ar an scoil sin, a druideadh sa bhliain 1823, sa chuntas ar Bhrian Mhac Cionnaoith i gCaib. 2.51 thuas. Bhí Brian Mhac Cionnaoith ina uiséir sa scoil sin. Tugtar cuntas speisiúil ar an scoil in Murtagh (1997).

<sup>1727</sup> *Belfast Newsletter*, an 22 Bealtaine 1818. Tugtar an tagairt in Ó Saothraí (1974: 86 col. a; 1992: 82).



Bhí William McEwen ina mhinistéir sa teach pobail ann an uair sin. Fógraíodh ar an uimhir chéanna den *Belfast Newsletter* go raibh an tOir. Uilliam le léachtaí Gaeilge a thabhairt trí huair sa tseachtain san Fhoras Acadamhach.<sup>1728</sup> Léiríonn caint ar mhodhanna na gramadaí a thug sé, agus a réitigh sé don chló i mí na Bealtaine 1819, go raibh eolas aige ar lear mór teangacha. Ar na teangacha ar ar bhunaigh sé ábhar a chuid cainte, bhí, mar a deir Ó Sathraí (1992: 86) linn, Gaeilge, Gàidhlig na hAlban, an Mhanannais, an Béarla, an Bhreatnais (cé gur admhaigh sé nár bhain sé líofacht amach sa teanga sin go fóill); roinnt teangacha Eorpacha eile: an Spáinnis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis; na teangacha clasaiceacha: an Laidin, an Ghréigis; agus roinnt teangacha eile: an Nua-Ghréigis, an Araibis, an Eabhrais, agus an Pheirsis. Is doiligh a chreidiúint go raibh na teangacha seo, nó a mbunáite fiú, ar a thoil aige, ach tugann sé seo leid mhaith dúinn ar fhairsinge an léinn a bhí air. An saothar deireanach atá againn ó lámh an Oir. Uilliam, *Elementa Linguae Graecae* (1821), ba leagan méadaithe é de ghraiméar Moor, rud a thíolaic sé ar an Oll. John Young, Ollscoil Ghlaschú.

Fuair an tOir. Uilliam Mac Néill bás ar an 26 Aibreán 1821, in aois a 46 bliana, de réir mar a deir an chuid is mó de na cuntais atá againn.<sup>1729</sup> Fiabhras cnámh a thug a bhás, agus deirtear gur ghlac corradh is 15000 duine páirt sa mhórshiúl ó Bhéal Feirste go dtí an Chill Mhór,<sup>1730</sup> an áit ar adhlacadh i dtuama é. D'fhág sé tiomna ina dhiaidh, a cláraíodh go gairid tar éis a bháis, ach dódh é nuair a scriosadh Sean-Oifig na dTaifead Poiblí sa bhliain 1922. Níl aon eolas againn i dtaobh an tiomna ach an

---

<sup>1728</sup> *Belfast Newsletter*, an 22 Bealtaine 1818.

<sup>1729</sup> Tugtar an 27 Aibreán 1821 mar dháta báis sna *Fasti*, ach téann Ó Sathraí (1992: 92) leis an 26 Aibreán 1821. Ar na daoine a thug an 26 Aibreán 1821, tá William McEwen, ministéir Shr. Dhún na nGall, an té a thug an óráid adhlactha. Tugtar sleachta fada aisti in Ó Sathraí (1992: 93-5), agus priontáladh ina hiomláine í ar an *Belfast Newsletter*, an 15 Bealtaine 1821.

<sup>1730</sup> Tugann Ó Sathraí (1992: 93) caint D'Alton & O'Flanagan (1864: 345) go raibh 15000 duine sa mhórshiúl i mBéal Feirste. Deirtear in Ó Sathraí (1992: 93) gur shiúil 5000 duine i ndiaidh na sochraide i dTamhnach na Naomh, agus a thuilleadh i Ráth Déamain, ach bhí amhras mór air gurbh fhíor sin, mar atá orm.

méid a thugtar i gcúpla seaninnéacs de chuid na hOifige sin. Tagraítear i gceann acu do thiomna William Neilson ó Dhún Dealgan, 1821; agus, taobh leis sin, tiomna Moses Neilson ó Ráth Déamain, a promhadh sa bhliain 1823.<sup>1731</sup> Cúpla lá tar éis don Oir. Uilliam bás a fháil, cuireadh fógra i gcló ar an *Belfast Newsletter* an 1 Bealtaine 1821, a thugann le fios gur ceapadh é ina ionadaí sealadach ar a mhac,

During the vacancy occasioned by the death of Dr Neilson, the CLASSICAL SCHOOL will be conducted under the superintendence of Dr Neilson, sen., and Professors Young and Cairns. ...<sup>1732</sup>

Fuair an tOir. Moses Neilson bás an 23 Aibreán 1823, in aois a 84 bliana, agus lean a bhean, Catherine Welsh, é i mí an Mheithimh 1827 (Blaney 1996: 65). Chuaigh Jane Warnock, baintreach Uilliam, chun cónaí lena hiníon, Catherine Sloane, i gCorcaigh, áit a bhfuair sí bás an 14 Nollaig 1834. Agus é i mbun taighde ar logainmneacha i gCo. an Dúin naoi mí roimhe sin, scríobh Seán Ó Donnabháin ó Dhroim Mór an 29 Márta 1834 go raibh sé tar éis a chluinstin go raibh lámhscríbhinní an Oir. Uilliam ag nia leis sa chomharsanacht,

I intended also to call on M<sup>r</sup> Nelson {nephew of D<sup>r</sup> Nelson [*recte* Neilson], author of the Irish Grammar}, who, I am told has all his uncle's collection of Books and MSS. He is at present at the Downpatrick Assizes, but I expect to meet him on my return from Waringstown and Donaghcloney.<sup>1733</sup>

Is dóigh nár bhuail sé leis riamh, cibé rud é, nó ní thagraítear dó arís sna litreacha. Ní heol dom cérbh é an nia sin a luann Seán Ó Donnabháin.

---

<sup>1731</sup> An Chartlann Náisiúnta, *Index of Wills and Administrations*, 1811-57. Faoin litriú Neilson, tá 'Neilson, William, Dundalk, 1821', 'Neilson, Moses, Rademon, 1823', 'Neilson, William, Abbey St., Dublin, 1856': na trí ghlúin den teaghlach taobh lena chéile.

<sup>1732</sup> *Belfast Newsletter*, an 1 Bealtaine 1821.

<sup>1733</sup> ARÉ 14C13, lgh 37-8; baineadh an méid thuas as Herity (2001: 20).

## 2.91. Pádraig Mac Oghannáin,<sup>1734</sup> fl.1685-98

**ARÉ 24P4 (92).** Formhór di.<sup>1735</sup> ‘Táin Bó Cuailnge’, ‘Cíos Mhig

Mhathghamhna’, nótaí ar naoimh, ar ríthe, giotaí d’annála (1596-1611), dánta le Fear Flatha Ó Gnímh, Eochaidh Ó hEodhasa, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, ——— Ó Faoláin, ——— Mac Con Midhe, Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird, Walter Luin. 1687.

**ARÉ 24P5 (93).**\* ‘Agallamh na Seanórach’.

**ARÉ 24P28 (130).** ‘An Cath Cathardha’. ‘Sleibhte o mBarr’ [? = Sléibhte Ó mBairche, Ceatharlach]<sup>1736</sup> 1698.

**ARÉ 24L36 (131).** ‘Cath Maigne Léana’,<sup>1737</sup> dán le Tadhg Dall Ó hUiginn. 1685. Do *Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow*.<sup>1738</sup>

---

<sup>1734</sup> Féach nóta 1739 thíos maidir le LN G168, lámhscríbhinn ar dóigh gur scríobh Pádraig Mac Oghannáin í. Níl seasamh ag an aistriúchán Béarla de shloinne an scríobhaí, ‘McOnan’, a thug Seán Ó Dálaigh ar fhorghuilleog ARÉ 24L36 (131), *R.I.A. Cat.*, 385.

<sup>1735</sup> Gach rud taobh amuigh de lch 124, agus an dá dhuilleog dheiridh.

<sup>1736</sup> Léadh ‘Sleibhte o mBarr’ san *R.I.A. Cat.*, 383, agus tuairimíodh gurb ionann an áit sin agus ‘Sleaty’ i gCo. Cheatharlach. Is dóigh le Ní Shéaghdha (1942: xxiii n.1) go raibh Sléibhte Ó mBairche i gceist aige, agus thiocfadh di a bheith ceart. Is doiligh a bheith cinnte faoin léamh is fearr, tharla go bhfuil cuid mhaith den log gearrtha chun siúil ag an gceangaltóir. Féach na tagairtí eile thíos.

<sup>1737</sup> Dhearmad Jackson (1938) an chóip seo ina eagrán siúd, ach más fíor don *R.I.A. Cat.*, 386, ní fada ó ARÉ 23L26 (555) í, cóip ba bhunús le heagrán Uí Chomhraí, agus a bhaineann le Grúpa 1 den Leagan Fada (Jackson 1938: xii). Is féidir a chruthú gur scríobhadh na cóipeanna uilig den Leagan Fada, seachas an dá cheann a luaitear anseo, i mBréifne. Ar ndóigh, is féidir, tharla go luaitear san *R.I.A. Cat.*, 386, difríochtaí téacsúla áirithe, nach lámhscríbhinn de chuid Ghrúpa 1 í, ach bheadh staidéar gearr ag teastáil nó go mbeifí in ann sin a chinntiú.

<sup>1738</sup> Arthur [Chamberlain] Brownlow (1645-1712), .i. Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow. B’in an leagan Gaeilge dá ainm a d’úsáid Pádraig Mac Oghannáin, ARÉ 24L36 (131), f. i, agus a scríobhadh i nóta sealbhóra i lámhscríbhinn eile de chuid Airtiúir Mhic Airtiúir Brownlow, ARÉ 24P33 (1076), an lámhscríbhinn ar cuid di *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* a grafadh in 1680, agus a tharla ina sheilbh roimh an mbliain 1689. Tugtar cuntas sothuigthe air in *Beath.* 1560-1781, 21 col. a – 22 col. b, ar cineál de thátal é ar thrí alt thábhachtacha a bhí foilsithe cheana féin faoin am sin—Ó Casaide (1936b), Ó Buachalla (1982), agus léiriú eile ar an gcineál pátrúin a bhí ann in Cunningham & Gillespie (1986). Féach fosta an cuntas ar a mhuintir in Ó Casaide (1936). Thug Lhywd cuairt air sa bhliain 1699, agus scrúdaigh sé a chuid lámhscríbhinní, a bhfuil cuntas beag orthu in Lhywd, *Archaeologia Britannica* (1706) [athchló air sin in Anon. (1934)]. Cuimhneofar air gur thug Thomas Molyneux an cur síos cáiliúil air ba theideal d’alt Uí Bhuachalla, ‘a man more curious than ordinary’. I measc na lámhscríbhinní a chnuasaigh sé le linn a bheatha, áirítear *Leabhar Ard Mhacha*, ní a cheannaigh sé ar £5 ó Fhlann Mac an Mhaoir sa bhliain 1681. Ó thaobh a shaothair féin, is doiligh a bheith cinnte go ndearna sé aon scríbhneoireacht i nGaeilge, ach thiontaigh sé, más fíor do O’Reilly (1820: cxciv), *Do chaill Éire a céile fire*, go Gaeilge sa bhliain 1700 (i gcló in Ó Buachalla (1982: 26-8)); agus tá nóta thar a bheith amhrasach ag Art Mhac Bionaid (*q.v.*) in CM T1, lch [280] ([282]), gur chóipeáil sé ábhar ó lámhscríbhinn i bpeannaireacht Airtiúir é féin a grafadh sa bhliain 1729, in ainneoin é a bheith marbh agus curtha le fada an lá faoin mbliain sin. D’fhéadfadh sé go raibh lámhscríbhinní Gaeilge ag duine dá shliocht, óir tá nóta inspéise i measc páipéir scaoilte in MN C112 i lámh Mhuiris Uí

**C Add. 3083 (8).** *Focloir no Sanasan Nua Uí Chléirigh*. 168<sup>5</sup>/<sub>6</sub>.

**LN G168.**<sup>†1739</sup> ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh), ‘Iomarbhágh na bhFileadh’. 1685.

D’fhág an scríobhaí seo cnuasach tábhachtach scríbhinní ina dhiaidh, a thugann eolas éigin dúinn ar chúrsaí pátrúnachta in Oirialla ag deireadh na 17ú hAoise. Cé go dtugann an t-aon log graifne a luann Pádraig Mac Oghannáin é féin le fios go bhféadfadh sé go raibh sé i ndeisceart Laighean ar an 18 Iúil 1698, Co. Cheatharlach go sonrach,<sup>1740</sup> tá sé le tuiscint—mar a léirigh Ní Shéaghdha (1942: xxii-xxiv) agus de Brún & Herbert (1986)—ón ábhar atá ina chuid lámhscríbhinní gurbh Ultach a bhí ann. Tá cuid mhaith leideanna ina chuid lámhscríbhinní faoi na dúichí ina raibh siad san 18ú hAois, giotaí eolais arbh é an tátal a bhain de Brún & Herbert (1986: xvii col. a) astu gur féidir gur i gCo. an Dúin a bhí cónaí ar Phádraig lá den saol. Dhealródh sé go raibh Smith (2017: 343) ag smaoineamh ar ábhar na lámhscríbhinní, ARÉ 24P4 (92) ach go háirithe, an uair a thuairimigh sé go bhféadfadh sé gur chaith Pádraig Mac Oghannáin cuid mhaith ama i gCo. Mhuineacháin, ‘Among the other scribes who may or may not have been born in Monaghan, but who certainly had Monaghan connections, is Pádraig Mac Oghannáin ...’ Pléimis an chéad tuairim ar dtús. Is féidir go raibh Pádraig, nó a chuid lámhscríbhinní, i gCo. an Dúin le fada an

---

Ghormáin [? chuig an Chevalier O’Gorman, b’fhéidir, ó ba leis a lán dá bhfuil sna giotaí sin], ‘I was promised to get access or see all the Irish books of Esq<sup>r</sup>. Brownlow, deceased’, f. 55v. Ba i bhfíordheireadh a shaoil, de réir dhealbh na peannaireachta, a scríobh Muiris an nóta sin—am éigin sna 1780í, is dóigh. Féach fosta litir ó Mhatha Mórdha Ó Graeme, Feabhra 1835, ar chuir Duffy (1988: 352-3) aistriúchán Béarla di i gcló; tá cuid den téacs Gaeilge i gcló in Ó Dufaigh & Ó Doibhlin (1989: 17), agus cuid den sliocht sin féin sa chuntas ar Mhatha Mórdha Ó Graeme i gCaib. 2.173.

<sup>1739</sup> Rinneadh plé gairid ar LN G168 i gCaib. 1.4.1.3, áit a ndúradh gur dóigh liom gur ghráf Pádraig Mac Oghannáin an lámhscríbhinn seo, ach go bhfuil leisce orm sin a áiteamh. Níor ceanglaíodh an pheannaireacht le scríobhaí ar bith in Breatnach (2013: 40 n.96). Ba mhaith an ní é dá ndéanfaí staidéar ar lámh LN G168 agus ar an bpeannaireacht atá in ARÉ 24L36 (131), a ghráf Pádraig Mac Oghannáin (sínithe) sa bhliain 1685. Is cóip í LN G168 de lámhscríbhinn chailte de ‘Leabhar Gabhála’ Uí Chléirigh a rinneadh ar son Bhriain Mhig Mhathghamhna sa bhliain 1652. An bhliain a ndearnadh í a scríobh go nua isteach in LN G168, 1685, ba thréimhse bhisiúil i saol Phádraig Mhic Oghannáin agus Bhriain Mhig Mhathghamhna beirt na blianta thart faoi sin.

<sup>1740</sup> Féach nóta 1736 thuas.

lá, tharla go raibh dhá lámhscríbhinn leis, ar a laghad, ar coimeád ann ag deireadh na 18ú hAoise,

...he may have been a native of Co. Down, since two of his transcripts ([C Add. 3083 (8)] and RIA 24P4 [(92)]) appear to have been in the east of that county in the late eighteenth century.<sup>1741</sup>

Ar nótaí léitheoirí agus sealbhóirí déanacha a cuireadh leis na lámhscríbhinní is mó a bunaíodh an méid sin—shínigh an Br. Pádraig Ó Brinn (*q.v.*) ó Chill Chua, Co. an Dúin, ARÉ 24P4 (92) in 1795, agus chóipeáil sé dán aisti an bhliain chéanna; agus bhain Eoin Ó Gribín (*q.v.*) ó \*Bhaile Mhic Gríocháin [Ballymagreehan],<sup>1742</sup> Co. an Dúin, ábhar aisti sa bhliain 1799.<sup>1743</sup> Chuir Dan Lynch, mac le Pádraig Ó Loingsigh (*q.v.*), a ainm le C Add. 3083 (8) sa bhliain 1789—léiriú dosháraithe go raibh na lámhscríbhinní i gCo. an Dúin *céad bliain* tar éis don scríobhaí a bheith beo. Scríobh Somhairle Briosáin ábhar C Add. 3083 (8) go nua i mBéal Feirste sa bhliain 1804.<sup>1744</sup> D'fhéadfaí a áiteamh fosta, ar scáth gur chóipeáil Somhairle Briosáin ARÉ 24P5 (93)<sup>1745</sup> c.1803 agus ARÉ 24P28 (130) thart faoin am céanna,<sup>1746</sup> go bhfuil

<sup>1741</sup> de Brún & Herbert (1986: xvii). Don bheagán foirmeacha canúna atá le fáil sna lámhscríbhinní seo, féach Ní Shéaghdha (1942: xxiii), mar a luadh cheana in de Brún & Herbert (1986: xvii *n.56*); agus féach O'Rahilly (1961: liv) fosta. Tabhair faoi deara, ach go háirithe, an fhoirm *ceatar* (< *ceachtar*), i leagan O'Rahilly, *l.* 2060.

<sup>1742</sup> Féach nóta 3025.

<sup>1743</sup> Tá cuid mhaith eolais in ARÉ 24P4 (92) faoi na scoláirí Gaeilge ag a raibh sí go dtí go bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh i lár na 19ú hAoise í. Chuir Pádraig Ó Brinn, O.P., nóta sealbhóra leis an lámhscríbhinn sa bhliain 1795; bráthair ó dheisceart Cho. an Dúin a bhí ann. Chóipeáil sé dán Walter Luin as ARÉ 24P4 (92) isteach in MN R79 sa bhliain 1795; scríobh Eoin Ó Gribín (*q.v.*) cuid den lámhscríbhinn isteach in LBO Ir.e.4 (*a*) (16) in 1799. Féach Ó Cuív (2001: 34, 37). D'fhéadfadh sé go bhfuair Eoin Ó Gribín í ó Phádraig Ó Brinn féin. Ba shealbhóirí déanacha eile Séamus Ó Brinn agus Art Mhac Bionaid (*qq.v.*). Tá 'Leabhar Airt Mhic B[h]inidheacht on mBale Chaol a bhFearcall' inléite ar lch 276 in ARÉ 24P4 (92), agus tá an nóta 'Leabhar Shéamus Uí Bhruin' ar lch 277. Níl mé sásta gurbh é Art Mhac Bionaid a scríobh an nóta sin, ach is dóigh gurb eisean ata i gceist ann. B'fhéidir gurb í ARÉ 24P4 (92) an lámhscríbhinn a bhí i gceist ag Art Mhac Bionaid i litir a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 7 Eanáir 1846: 'Soith a raibh do sheudaibh chum pronta agam dol i gcionn na bliaghan uir dhut et budh [mhaith] liom do mbiadh se moran ni bfear. The present is an old manuscript left as a legacy and I give it to you as being the only person in existance I wish to have it. I will leave it in the Belfast Coach Office, Newry, directed to you when I will post this letter. You will please acknowledge the receipt of it', LN G702(15), mír 1; Ó Mórdha (1957: 368-9).

<sup>1744</sup> LPBF 39.

<sup>1745</sup> Bhí an lámhscríbhinn seo i seilbh William Morgan agus daoine eile dar shloinne sin tráth. Níl log ar bith leis na nótaí sealbhóra sin. Rinneadh plé ar an gceangal a bhí ag Somhairle Briosáin leis an

ceangal acu le duine ag a raibh ceangal le Co. an Dúin, ach ní hionann sin, ar ndóigh, agus a rá gur grafadh ann iad, cé go bhfuil sé le léamh ar chuid mhaith dár bhronn Somhairle ar an Belfast Natural History and Philosophical Society ag deireadh a shaoil gur thóg sé leis lámhscríbhinní ó Cho. an Dúin, mar ar rugadh a athair. Bhí ARÉ 24P5 (93), ARÉ 24P28 (130), agus C Add. 3083 (8) ag Somhairle Briosaín go luath sa 19ú hAois. Tuairimíodh cheana gurbh í ARÉ 24P4 (92) an lámhscríbhinn a bhronn Art Mhac Bionaid ar Roibeard Mac Ádhaimh sa bhliain 1846,<sup>1747</sup> ach ní bheinn sásta glacadh leis sin. Is doiligh teacht ar aon eolas faoin lámhscríbhinn eile, ARÉ 24L36 (131), ach go raibh sí i gcnuasach Sheáin Uí Dhálaigh i lár na 19ú hAoise; bhí an lámhscríbhinn a leag mé go sealadach ar Phádraig thuas, LN G168, i gcnuasach J. H. Todd thart faoin am sin. Tharla gur grafadh ARÉ 24P28 (130) i gCúige Laighean sa bhliain 1698 agus gur bhain sí Cúige Uladh amach ina dhiaidh sin, is doiligh a dhéanamh amach gur grafadh aon lámhscríbhinn de chuid Phádraig i gCo. an Dúin, ar an mbonn go raibh siad ann lá den saol. D’fhéadfadh sé gur scríobhadh iad uilig áit eile agus gur thosaigh siad a thriall ar an gcontae sin [? i gcnuasaigh ar leith] den chéad uair sa dara leath den 18ú hAois. Maidir lena shloinne aduain, tuairimíonn Mac Cathmhaoil (2016: 44 *n.2*) gur féidir gur leagan de Mhac Eoghanáin é, dar leis, sloinne a thagann chun solais i bhfoirmeacha éagsúla—Mac Cohenan, McOwenan agus McKeonan—i gCúige Uladh, agus ceangal ag teaghlach

---

dúiche thart ar Ard Mhic Nasca thuas sa chuntas ar a dheartháir, Aindrias Briosaín, i gCaib. 2.5. Féach fosta nóta 850 thuas, áit a ndéantar trácht ar chóipeanna a rinneadh de ARÉ 24P5 (93).

<sup>1746</sup> Tugtar LPBF 38 ar chóip Shomhairle Briosaín den lámhscríbhinn seo, mar a thug Eoghan Ó Comhraí faoi deara sna 1850í agus é ag scríobh cuntas ar lámhscríbhinní an Acadaimh. Deir sé i nóta ar an lámhscríbhinn go raibh cóip Shomhairle Briosaín ar coimeád in Iarsmalann Bhéal Feirste faoin am sin, *R.I.A. Cat.*, 384. Is leid eile go raibh ceangal éigin ag an lámhscríbhinn ARÉ 24P28 (130) leis an dúiche thart faoi Cho. an Dúin go bhfuil an t-ainm ‘Luke Haghian’ scríofa ar an dara fordhuilleog thosaigh inti, sloinne a cheanglaítear go minic le hoirthuaisceart Chúige Uladh, agus le cúrsaí léinn i gCo. Aontroma. Féach nóta 3069 thíos.

<sup>1747</sup> Tá síniú Airt Mhic Bhionaid leis an lámhscríbhinn; féach nóta 1743 thuas.

amháin acu le paróiste Mhachaire Lainne in Uíbh Eachach, Co. an Dúin,<sup>1748</sup> ach tá sloinnte eile ann atá giota beag cosúil le sloinne an scríobhaí i ndúichí eile i gCúige Uladh, McConnan (Mac Canann), mar a luann Smith (2017: 343), mar shampla.

Féachaimis ar ábhar na lámhscríbhinní anois. An beagán eolais atá againn faoi dhálaí na lámhscríbhinní san 18ú hAois, tá sé bunoscionn lena n-ábhar. Tuairimíodh cheana gurbh é Pádraig a scríobh LN G168, cóip den ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh) agus de ‘Iomarbhágh na bhFileadh’, a scríobhadh sa bhliain 1685 as seanleabhar a grafadh do Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna ar an 24 Samhain 1652.<sup>1749</sup> Grafadh lámhscríbhinn na bliana 1652 i gCo. Fhear Manach, ach ba as Co. Mhuineacháin, ar ndóigh, don té dár grafadh í. Bhí an pátrún ina bheatha go fóill sa bhliain 1685, agus tchífidh muid ar ball go raibh ceangal eile ag Pádraig leis. Ní fios cá bhfuil lámhscríbhinn na bliana 1652; is cosúil go bhfuil sí ar neamhní. Chóipeáil Pádraig tiomnú na heiseamláire go beacht (go bhfios dúinn) in LN G168, agus an dáta 1685 luaite aige ina lár. Scríobh duine eile ar fad, an pátrún, is dóigh, nóta isteach ar an leathanach teidil gur cuireadh an obair i gcrích ar an 18 Aibreán 1685. An chéad spléachadh eile a fhaigheann muid ar Phádraig Mac Oghannáin, tá cóip de ‘Cath Maighe Léana’ á scríobh aige ina ‘fine angular script’<sup>1750</sup> idir an 19 Deireadh Fómhair 1685 agus an 4 Samhain 1685, agus sin ‘da thríath ro-dhearsgnaithe’, Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow ó Theach na Lorgan, Co. Ard Mhacha.<sup>1751</sup> Is ábhar spéise fosta go bhfuil bailiúchán beag de dhánta agus de théacsanna uathúla in ARÉ 24P4 (92) a scríobhadh sa bhliain 1687, dánta a bhfuil dlúthcheangal acu le muintir Mhathghamhna, an chraobh áirithe díobh a bhaineann go stairiúil le Fearnmhaigh i

---

<sup>1748</sup> Ní heol dom goidé an fhoinsé ar ar bunaíodh seo go beacht, agus níl aon eolas agam faoi mar a bhí dáileadh na sloinnte seo roimhe sin, ach a bhfuil in Mac Lysaght, Woulfe, srl.

<sup>1749</sup> Tugtar an t-eolas sin in LN G168, f. 1, agus tá plé gairid déanta uirthi i gCaib. 1.4.1.3.

<sup>1750</sup> Mar a dúradh faoina láimh, mar atá sí in ARÉ 24P28 (130), san *R.I.A. Cat.*, 384.

<sup>1751</sup> ARÉ 24L36 (131), f. i. Deir Mac Cathmhaoil (2016: 44 n.2) nach bhfuil Teach na Lorgan rófhada ón teorainn le Co. an Dúin.

gCo. Mhuineacháin, ach go háirithe. Tá chun tosaigh sa chuid seo dánta molta ar phátrún sheaneiseamláir LN G168, Brian mac Colla Mhig Mhathghamhna, pátrún a dhíoladh le filí agus le scríobhaithe araon ar son a saothar, dealraíonn sé, idir c.1650 agus bliain a bháis, 1689, duine a caoineadh go foirmeálta tar éis a bháis ag duine de na filí sin, Eoghan Ó Donnghaile.<sup>1752</sup> Thuairimigh Ní Shéaghdha (1942: xxiii-xxiv) gur ghráf Pádraig cuid de na lámhscríbhinní atá againn uaidh in Oiriaila,<sup>1753</sup> agus tharlódh sé go bhfuil an ceart aici,

Is deacair a rádh cérbh é an Pádraig seo nó cár bh as dó, ach amháin gur dócha gurbh Ultach é toisg rian chanamhna an tuaiscirt a bheith ar na lss. agus toisg a bheag nó a mhór do bhaint a bheith acu le cúige Uladh. Ach níl amhras ná gur chaith sé tráth dá shaoghal i Laighnibh mar is ann do sgríobh sé [ARÉ] 24P28 [(130)] (“An Cath Cathardha”) sa bhliain 1698. ... Is dócha gur i nUltaibh do sgríobh Mac Oghannán [ARÉ] 24L36 [(131)] (“Cath Mhuighe Léana”) mar tá fhios againn ó nóta sa ls. gur don Ultach úd Hon. Arthur Brownlow do sgríobh sé í... Sa bhliain 1687 seadh do sgríobh sé [ARÉ] 24P4 [(92)] (“Táin Bó Cuailnge” agus dánta) agus is dócha gur san tuaisceart, i nOirghiallaibh, do sgríobh sé í toisg gur do Mhathghamhnaigh na háite sin a cumadh na dánta atá inte.

Ní thugtar ainm pátrúin in ARÉ 24P4 (92), ach is ar éigean is féidir a chreidiúint nár sa chomharsanacht thart ar Fhearnmhaigh a fuair Pádraig na dánta seo, agus an cuntas ar ‘Cíos Mhig Mhathghamhna’ atá inti ach go háirithe, óir níl a mbunáite ar fáil áit ar bith eile. Tá an chuma ar chuid mhaith de na dánta nár cuireadh le chéile iad i bhfad sular scríobh Pádraig a chóipeanna úra díobh sa bhliain 1687, dhá bhliain sular cailleadh Brian mac Colla Mhig Mhathghamhna é féin.

Tar éis dó scor de ARÉ 24P28 (130) a scríobh i gCo. Cheatharlach ar an 11 Nollaig 1698,<sup>1754</sup> téann Pádraig go glan ó thuairisc, agus ní féidir teacht ar eolas cruinn a dheimhneodh gur fhíll sé ar Chúige Uladh riamh, ach amháin na nótaí sealbhóra, srl.,

<sup>1752</sup> Gheofar plé ar na dánta seo in Hughes (1987a; 1988; 1993) agus Mac Cathmhaoil (2016; 2017).

<sup>1753</sup> Féach an nóta, ‘The MS. seems to belong to Oriel ...’, *R.I.A. Cat.*, 272.

<sup>1754</sup> ARÉ 24L36 (131), lch 403.



sna lámhscríbhinní a thaispeánann go raibh Co. an Dúin bainte amach ag cuid acu faoin 18ú hAois. Ó tharla go dtuigfí óna chuid lámhscríbhinní gurbh i gCo. Ard Mhacha agus i gCo. Mhuineacháin, b'fhéidir, a bhí sé ag obair an chéad uair a chastar leis, dúiche ina raibh borradh éigin faoi dhéantús na lámhscríbhinní an uair sin, agus go ndeir sé gurbh é a thriath é Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow, thaobhóinn féin leis an tuairim gur tháinig sé ar an saol ar thaobh amháin nó eile den teorainn idir Co. Ard Mhacha agus Co. Mhuineacháin.<sup>1755</sup>

**2.92. Brian Mag Oireachtaigh, c.1799-1849** [(Joseph) Bryan Geraghty]

**CM L1.\*** Blogh di.<sup>1756</sup> ‘Cath Fhochairte Bhrighite’, ‘Beatha Chaoimhghin’ (neamhiomlán). [1845].<sup>1757</sup>

**COC T<sup>1</sup>57 (c-f) (57).\*** Dánta dinnsheanchais, ginealaigh mhuintir Raghallaigh. *Marc uisce*: 1829.

**COC T<sup>1</sup>65 (b-c, f-g, i) (65).\*** ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Cáineadh Whaley’, ‘Cath Cnucha’, laoi fiannaíochta. *Marcanna uisce*: 1811, 1830, 1834.

B'fhéidir go ndéarfáí nach ceart an scríbhneoir Gaeilge seo idir scríobhaí agus scoláire a áireamh anseo, ach ó tharla go bhfuil an chuma ar an scéal gur fhoghlaim sé léamh agus scríobh na Gaeilge ina chontae dúchais i bhfad sular ghlac sé páirt sna cumainn Ghaeilge agus seandálaíochta i mBaile Átha Cliath, cosúil le Seán Ó Dálaigh (*ob.*1878), glactar le Brian Mag Oireachtaigh mar scríobhaí dúchais, agus tugtar gearrchuntas, atá fada ó bheith iomlán, air. Ní heol dom gur scríobh éinne

<sup>1755</sup> Tá an sloinne Béarla McCon(n)an, McCon(n)in, fós coitianta sa dúiche sin.

<sup>1756</sup> *Ol. O'Lav. C. An bhlogh ar a dtugann Mac Néill (1906a: 193 col. a) codanna (d) agus (e) ina chatalóg. Tugtar ainm an scríobhaí agus an dáta 1845 i nóta a bhreac Seán Ó Dálaigh (ob.1878), cara le Brian Mag Oireachtaigh, ar an duilleog thosaigh sa bhliain 1877, dhá bhliain is tríocha tar éis a scríofa, más fíor. Rinne Duffy (1988a: 64-5) plé ar chruinneas an nóta cheana féin, agus bheinn ar aon tuairim leis gur dócha go bhfuil an dáta scríofa measartha cruinn.*

<sup>1757</sup> Féach nóta 1756 thuas.

cuntas fada air go dtí gur fhéach Duffy (1988a) chuig iontaofacht an tráchtais ‘staire’, ‘Cath Fhochairte Bhrighite’ a scrúdú, áit a dtugann sé cuid mhaith eolais faoi Bhrian Mag Oireachtaigh, úinéir siopa leabhar i Sr. Anglesea, Baile Átha Cliath, c.1838–c.1847, agus na hiarrachtaí a rinne sé *Annála na gCeithre Máistrí* a chur i gcló.

Joseph Bryan Geraghty a bhí air ó cheart,<sup>1758</sup> agus níl teacht ar a dháta breithe ná ar ainmneacha a thuismitheoirí. Le linn do Sheán Ó Donnabháin a bheith ag déanamh obair pháirce don tSuirbhéireacht Ordanáis i gCo. na hIarmhí, mhol George Petrie dó i litir chuige dar dáta an 25 Meán Fómhair 1838 go bhféadfadh le Brian cuidiú leis a fhad is a bhí sé ag obair sa chontae sin,

Geraghty of Anglesea Street from whom I got the above account [ar sheaniarsmaí gar do Bhaile na gCros] says there are some very intelligent old men about Faughalstown that could give you much valuable information—and that there is a Peter Fagan on Sliabh buy who is a good Irish Scholar.<sup>1759</sup>

Chuir Seán litir chuige ar an mbonn sin. Ní sásta ach oiread a bhí geafaire Sheáin, Thomas A. Larcom, go raibh sé ag roinnt thorthaí an taighde a bhí ar bun acu leis an bpobal mór, agus d’iarr sé ar Petrie cogar sa chluais a dhéanamh le Seán, mar atá mínithe cheana féin ag Herity (2011: 43-4). Sa litir chosantach a scríobh Seán ar ais chuig Petrie, a chinn ar an litir úd a sheoladh cibé rud é, tugann Seán eolas luachmhar dúinn a léiríonn gurbh as an dúiche sin do mhuintir Bhriain Mhig Oireachtaigh,

... Broughton ... agreed that it was very necessary to obtain the instructions requested in it previous to my going, to Castle Pollard, as he knew from experience that it is very difficult to obtain information upon my subject until the natives understand that you are a person upon whom they can depend. With this encouragement, and knowing M<sup>r</sup> Geraghty to be a worthy and warm friend, I had no hesitation writing to him and requesting that he would introduce me to his friends and relatives in the neighbourhood of C: Pollard

---

<sup>1758</sup> Luaigh Duffy (1988a: 65 n.42) gurbh iad J. B. inisil a ainm baiste.

<sup>1759</sup> ARÉ 14G13, lgh 127-8. I gcló in Herity (2011: 82). Tá sonraí ag teastáil ar Peter Fagan.

knowing that in this way I could secure every information now possible to be obtained. ...<sup>1760</sup>

Tháinig freagra ó Bhrian an 4 Deireadh Fómhair 1838, inar sholáthair sé dó liosta d'údaráis mhaithe, agus lear mór traidisiún faoi na logainmneacha áitiúla thart faoi Bhaile na gCros, Co. na hIarmhí. Thuigfí ón mioneolas a bhí aige ar thopagrafaíocht na dúiche sin agus ar mhuintir na háite gurbh ann a rugadh é,<sup>1761</sup> agus is spéisiúil go luann Brian fosta le Seán Ó Donnabháin gurb eol dó gur chuir Eoghan Ó Comhraí páipéir chuige, óir bhí Eoghan tar éis seasamh le mac le Brian an tseachtain roimhe sin,<sup>1762</sup> mar a tchífidh muid ar ball. Mar dheimhniú air gur sa chontae sin, ar a laghad, a tháinig Brian ar an saol, féach an ghearrthóg as *The Pilot* (c.1845) a chuir Séamus Ó Casaide i gcló, inar chuir Conor McSweeny roimhe a léiriú nárbh ann do chanúintí áitiúla sa Ghaeilge,

To give a familiar illustration of my assertion, that there are not 'dialects' of Irish in the country, Mr. Geraghty, the bookseller of Anglesea Street, is a native of Westmeath; Mr. Duffy, the publisher of Anglesea Street, a native of Cavan; Mr. Connellan, the translator of 'The Annals of the Four Masters,' is a native of Connaught, and their Irish is intelligible to me, as well as mine to them.<sup>1763</sup>

Ar dhul siar dom trí na cláir pharóiste, agus cláir adhlacthaí Reilig Ghlas Naíon, is dóigh liom gurbh é an Bryan Geraghty a phós Mary Clarke (c.1811-1847) in Ard-Eaglais Naomh Muire ar an 12 Feabhra 1828 an scríobhaí seo againn.<sup>1764</sup>

---

<sup>1760</sup> I gcló in Herity (2011: 43-4); tá an litir in LN MS 792, lgh 401-3. Scríobhadh í an 2 Deireadh Fómhair 1836.

<sup>1761</sup> ARÉ 14G13, lgh 192-4. I gcló in Herity (2011: 97-9).

<sup>1762</sup> ARÉ 14G13, lch 193. Féach Herity (2011: 98), 'When you pass Collinstown you arrive at Drumcree I need not trouble you about this place as M<sup>r</sup>. Curry sent you an account of the battle fought there'. Is féidir gur luaigh Seán sin leis sa litir a chuir sé chuige, nach bhfuil fáil uirthi anois.

<sup>1763</sup> Ó Casaide (1931c: 111).

<sup>1764</sup> Ní éireoidh sé seo soiléir go dtí go mbreathnófar ar rollaí Reilig Ghlas Naíon (Prospect Cemetery, mar a thugtaí uirthi), áit a bhfuil taifead ar Bhrian agus ar an gcuid is mó dá chlann, ach is fearr an t-eolas a thabhairt in ord cróineolaíoch anseo, mar i ndúil is go mbainfidh an léitheoir an tátal céanna as na taifid seo. Seo liosta na dtaifead cuí as na cláir Chaitliceacha i dtús áite—tabharfar na sleachta as clár adhlacthaí Ghlas Naíon (Prospect Cemetery) i nóta 1768 thíos, (a) *Clár na bPóstaí, Ard-Eaglais Naomh Muire*, 1810-34:

Rugadh John Farrell Geraghty (1829–), an chéad pháiste, sa bhliain 1829, agus bhí cónaí ar a thuismitheoirí, Brian agus Mary, i Sr. na Life Íocht. nuair a baisteadh é ar an 5 Lúnasa 1829. Níl dáta báis againn dó, ach cailleadh é in aois a óige. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, tháinig iníon le Brian agus Mary, Ellen (1831–), ar an saol. Nuair a luaitear iad sna taifid arís ceithre bliana ina dhiaidh sin, ar an 30 Bealtaine 1835, an lá ar baisteadh mac eile leo—Michael (1835–)—bhí cónaí orthu i bparóiste San Aindriasa sa chathair theas. Ba ann a rugadh Farrell (1837-1841), Peter (1838–), John (1840–), agus triúr eile; agus thuigfí go raibh Brian tar éis a shiopa leabhar a oscailt faoin am sin, tharla go raibh cónaí air i Sr. Anglesea chomh luath leis an 25 Meán Fómhair 1838,<sup>1765</sup> agus go raibh cáil air mar scoláire Gaeilge faoin am sin. Bhí James Duffy éigin, an foilsitheoir leabhar, b'fhéidir, ina charas Críost ag baisteadh Michael, agus sheas 'Eugene Curry', mar a luadh thuas, le Peter.<sup>1766</sup> Thuigfí ó chuid de na marcanna uisce sna bloghanna lámhscríbhinní atá againn ó Bhrian gur thosaigh sé a ghráfadh giotáí Gaeilge chomh fada siar le c.1811, nuair nach raibh sé ach ina ghasúr. Más fíor sin, is dóigh gur shealbhaigh sé scríobh na teanga ina bhaile dúchais

---

'12 [Feabhra 1828]. Bryan Geraghty & Mary Clarke. W.W. Mich<sup>l</sup> Corcoran & Mary Coffey'.  
(b) *Clár na mBaistí, Ard-Eaglais Naomh Muire*, 1826-30:

Is clárleabhar clóbhuailte é seo, agus é leagtha amach de réir colún, faoi mar atá tugtha thíos.

Date—5 [Lúnasa 1829]. Names of Child—John Farrell Gerarty. Names of Parents—Brien & Mary. Residence of Parents—Low<sup>r</sup> Liffey St. Names of Sponsors—Edw<sup>d</sup> Fox & Mary Ann Stapleton. Dues—[ ].

(c) *Clár na mBaistí, Ard-Eaglais Naomh Muire*, 1830-37:

'22 [Eanáir 1831]. Ellen of Bryan & Mary Geraghty. S.S. John Torpey & Francis

McDona<...>

(d) *Clár na mBaistí, Paróiste San Aindriasa*, 1832-48:

'30<sup>th</sup> [Bealtaine 1835]. Michael Geraghty. Bryan & Mary. S.S. Ja<sup>s</sup> Duffy, Ann Clarke'.

'11 [Bealtaine 1837]. Farrell Geraghty of Brian & Mary. S.S. John Walters & Alicia Morris'.

'2 [Deireadh Fómhair 1838]. Peter Geraghty of Bryan & Mary. S.S. Eugene Curry & Mary

Hart'.

'7<sup>th</sup> [Iúil 1840]. John Geraghty of Joseph Bryan & Mary. S.S. Rob<sup>l</sup> White & Fra<sup>s</sup> Duffy'.

'8 [Eanáir 1843]. Mary Geraghty of Bryan & Mary. S.S. Ja<sup>s</sup> Hardiman & Ellen(?) Geraghty'.

'21 [Aibreán 1844]. Joseph Bryan Geraghty of Joseph Bryan & Mary. S.S. Pat<sup>s</sup> Smith &

Sarah Sullivan'.

'4 [Eanáir 1846]. Henry Geraghty. Bryan & Mary. S.S. Philip M<sup>d</sup>Dermott & Marg<sup>t</sup>

Guilfoyle'.

<sup>1765</sup> An lá ar mhol Petrie do Sheán Ó Donnabháin scríobh chuige.

<sup>1766</sup> Féach nóta 1764 thuas. Sheas Séamus Ó hArdagáin le Mary Geraghty, iníon eile, ar an 8 Eanáir 1843.

ó scoláire Gaeilge áitiúil, agus nuair a tháinig sé go Baile Átha Cliath, bhí sé de dhea-ádh air casadh ar mhangaire earraí darbh ainm James Duffy (c.1809-1871) ó Dhún an Rí, nó ó Cho. Mhuineacháin de réir údar eile, go ndearna Brian beart leis go gceannódh sé uaidh cibé lámhscríbhinní a thioctadh leis a fháil faoin tuath. Tugtar cuntas ar an socrú seo i mbeathaisnéis a scríobhadh sa bhliain 1895 ar James Duffy, a bhunaigh siopa leabhar dá chuid féin i Sr. Anglesea, c.1839,

It is already a quarter of a century since James Duffy died; and, as he was then (in July 1871) sixty-two years old, he was born about the year 1809. His birthplace was Kingscourt in County Cavan. According to an apparently well-informed writer who gave an account of him in an American newspaper at the time of his death, he began life as a pedlar in the counties of Cavan and Meath. During his wanderings he picked up sundry old Irish manuscripts which he took to Bryan Geraghty, of Anglesea Street, Dublin, an old bookseller of antiquarian proclivities, getting from him in exchange Catholic prayerbooks.

It was in that same Anglesea Street that Duffy, about thirty years old, ventured on opening a small bookshop of his own. His first attempt at publishing was a new issue of “The Key of Heaven,” the popular old prayerbook, of which he had bought Geraghty’s plates. ... He also republished many Catholic books ...<sup>1767</sup>

Ní fios dúinn goidé a tharla do na páistí ba shine, ach osclaíodh reilig an teaghlaigh den chéad uair sa bhliain 1841 nuair a adhlacadh Farrell Geraghty, 4 bliana d’aois, ó Shr. Anglesea, ann.<sup>1768</sup> Baisteadh an chéad pháiste eile le Brian agus Mary, Mary Geraghty (1843-1843), ar an 8 Eanáir 1843—ba iad ‘Ja<sup>s</sup> Hardiman’, an scoláire Séamus Ó hArdagáin, ceapaim, agus ‘Ellen (?) Geraghty’ a sheas léi ach níor mhair sí ach mí. Tháinig mac eile ar an saol ar baisteadh ainm a athar air, Joseph Bryan

---

<sup>1767</sup> I gcló in Russell (1895: 596).

<sup>1768</sup> *Cláir na nAdhlacthaí, Mount Prospect Cemetery* (.i. Reilig Ghlas Naíon), *Glas Naíon*. Tosaíonn na taifid sa bhliain 1832, nuair a osclaíodh an reilig, agus tá siad iomlán agus beacht. Choinníte iad mar a bheadh leabhair chuntais ann ar dtús, an dáta ag an mbarr, agus liosta de na daoine a adhlacadh, an plota inar cuireadh iad, srl., ina dhiaidh sin. Cuireadh cláruimhreacha úra leo cúpla bliain ó shin mar chuid d’fheachtas digitithe, agus is iad siúd na cinn a úsáidim anois. Níl agam anseo ach sleachta as na taifid, óir ní fiú bheith leis na seanuimhreacha cláraithe. Adhlacadh cúigear san uaigh, go bhfios dom, Farrell Geraghty, 4 bliana, 1841; Mary Geraghty, 1 mhí, 1843; Joseph Geraghty, 3 mhí, 1844; Mary Geraghty, 36 bliana, 1847; Bryan Geraghty, 50 bliain, 1849.

Geraghty (1844-1844), ar an 21 Aibreán 1844; d'éag sé in aois a thrí mhí. Ba ghairid ina dhiaidh sin a phriontáil Brian an saothar ba mhó a chuir sé ón bpreas riamh, agus an ceann a thug scriosadh air—an t-aistriúchán a réitigh Owen Connellan ar *Annála na gCeithre Máistrí, The Annals of Ireland, Translated from the Original Irish of the Four Masters* (1846). Cinneadh ar an saothar a fhoilsiú mar shraith ceithre uimhir is fiche, agus fógraíodh an chéad uimhir ar *The Nation* ar an 28 Nollaig 1844.<sup>1769</sup>

Ceapann Duffy (1988a: 112) go raibh an t-iomlán i gcló faoi dheireadh na bliana 1845, ach gur chinneadh místuama ar fad é a chur amach giota ar ghiota gach coicís. Na criticeoirí ba mhó a rinne an dolaidh,

The *AFM*... appeared in fortnightly numbers. As such, it was inordinately sensitive to criticism, since its critics were supplied with further ammunition with each issue. And whereas, in normal circumstances, the publisher of an unfavourably received work would hope to recoup his losses before the adverse criticism had affected sales, in the case of *AFM* the publisher was doomed if, having started the circulation, the early numbers provoked a bad reaction. And this is what happened to it. Since O Donovan was working on his own edition, he was one of its loudest critics: in spite of his best efforts, Geraghty was bankrupted by the venture.<sup>1770</sup>

Níorbh aon sochar é gur tháinig eagrán nua, sáreagrán Sheáin Uí Dhonnabháin, go gasta ar a bhonn. Ba le linn na bliana céanna a ghráf Brian, más ceart an nóta a scríobh Seán Ó Dálaigh sa bhliain 1877, cóip de ‘Cath Fhochairte Bhrighite’ ó chóip a fuair sé ó Nioclás Ó Cearnaigh. Tagraíonn Duffy (1988a: 66-8) dá liacht dearmad atá sa saothar, i gcomórtas leis an gcóip atá againn ó lámh Niocláis, agus más fíor gur grafadh an lámhscríbhinn sa bhliain 1845, is dóigh go raibh mórán nithe ag déanamh buartha do Bhrian agus é á cóipeáil. Bhí a bhean trom arís faoi dheireadh na bliana, agus chuir Brian an chóip de ‘Beatha Chaoimhghin’ a bhí á scríobh aige

---

<sup>1769</sup> Mar a dúradh in Duffy (1988a: 112 n.221).

<sup>1770</sup> Duffy (1988a: 113).

thart faoin am sin ar leataobh gan í a chríochnú.<sup>1771</sup> Baisteadh an leanbh deiridh a rugadh do Bhrian agus do Mary, Henry Geraghty (1846–),<sup>1772</sup> ar an 4 Eanáir 1846, agus dealraíonn sé gur thosaigh an tsláinte a mheath ar Mary go gairid ina dhiaidh sin. Fógraíodh a bás i bpáipéir na cathrach ar an 2 Deireadh Fómhair 1847, áit a ndeirtear gur cailleadh í in Phibsboro’ ‘of a long and tedious illness’,<sup>1773</sup> agus adhlacadh lena páistí í. Bhí sí 36 bliana d’aois.

Agus na fiacha ag carnadh air, agus gan chaoi aige ar a nglanadh, cuireadh baclainn mhór de lámhscríbhinní Bhriain ar ceant ar an 29 Feabhra 1848. Cheannaigh Roibeard Mac Ádhaimh 22 cheann díobh.<sup>1774</sup> D’éag sé sa bhliain 1849; tuairim is 50 bliain a bhí sé am a bháis, de réir *Chlár na nAdhlacthaí* i nGlas Naíon, áit a bhfuil sé curtha lena chlann.

### 2.93. Donnchadh Mag Oireachtaigh, fl.1782-96 [Dennis Garraty]

**COFLA D1 (a).**<sup>†1775</sup> Blogh di. Dán le Séamus Mac Cuarta. [? c.1777].

**COFLA L12 (b).**<sup>1776</sup> Cuid di.<sup>1777</sup> Dánta le Donnchadh Mór Ó Dálaigh,

Eoghan Ó Donnghaile, Séamus Mac Cuarta, Art Mac Cumhaigh, Peadar Ó

---

<sup>1771</sup> Tá cóip den leagan Gaeilge a fhaightear i lámhscríbhinní na 18ú hAoise i lámh Bhriain Mhig Oireachtaigh in CM L1, agus an dáta 1845 leis an mblogh sin, mar a míníodh i nóta 1756 thuas. Is soiléir ó leagan amach na leathanach sa bhlogh seo go raibh sé ag smaoinéamh ar aistriúchán den téacs a sholáthar, tharla gur fágadh aghaidheanna na leathanach bán, agus go bhfuil spás fágtha aige ag bun an téacs Gaeilge ar gach leathanach le nótaí a scríobh. Istigh leis an mbeatha, tá an chóip de ‘Cath Fhochairte Bhrighite’ ar a ndearna Duffy (1988a) plé mionsonraithe; féach nótaí 1756 agus Duffy (1988a: 64-8).

<sup>1772</sup> Bhí fear darbh ainm Henry Geraghty ag cur faoi sa pharóiste thart faoin am sin, agus é ar comhaois, nó geall leis, le Brian. Tá cosúlachtaí idir ainmneacha na bpáistí a rugadh don bheirt acu fosta.

<sup>1773</sup> *Dublin Weekly Nation*, an 2 Deireadh Fómhair 1847. Deirtear gur bhean Bhriain Mhig Oireachtaigh ó Shr. Anglesea í san fhógra báis.

<sup>1774</sup> Tá cóip den chatalóg sa Leabharlann Náisiúnta, agus eolas faoi na lámhscríbhinní a bhí aige in de Brún & Herbert (1986: xvi n.48).

<sup>1775</sup> Is dóigh liom gur scríobh Donnchadh Mag Oireachtaigh COFLA D1 (a), lgh 73-82; féach nóta 3322. B’fhéidir go bhfuil sé le tuiscint as an méid sin go raibh Donnchadh ag scríobh Gaeilge chomh fada siar le c.1777.

<sup>1776</sup> L13 (ol. O’Lav. J) ba chóir a bheith i gceist anseo, ach b’fhearr cloí le COFLA L12 (b) anois, tharla gur faoin teideal sin a chláraigh Ó Fiannachta (1980: 20-4) í, agus údar maith aige toisc gur

Doirnín, Muiris Ó Mocháin, Séathrún Céitinn, [‘Goid Fhinn agus Dhubháin’], dán ar dhéfhoghair is ar thréfhoghair na Gaeilge, amhráin. Dún gCuaile, An Lú 1782, 1788-92.

**LB Add. 18746.** Formhór di.<sup>1778</sup> ‘Eachtra na gCuradh’, ‘Cogadh Chuinn is Eoghain Mhóir’ [= ‘Cath Maighe Léana’]. 1796. [Do *Shomhairle Ó Coltran*].<sup>1779</sup>

---

ceanglaíodh le chéile an lámhscríbhinn ar cheart COFLA L12 (*ol.* O’Lav. I) a thabhairt uirthi agus an lámhscríbhinn seo, mar L12 (*a*) agus L12 (*b*) faoi seach. Do COFLA L12 (*a*), féach nóta 2425. Ba ag leanúint chóras Eoin Mhic Néill (1906*a*: 195 col. b – 196 col. b) a bhí an Moins. Ó Fiannachta, tharla gur thug seisean cuntas ar an dá lámhscríbhinn mar aon leabhar amháin faoin teideal ‘I’ fosta. Tugtar ‘J’ ar an dara cuid di, COFLA L12 (*b*), i roinnt foilseachán. Féach an *Treoir.*, 26 n.42 §81(7), áit a dtugtar tagairtí breise don lámhscríbhinn seo i bhfoilseacháin na 20ú hAoise.

<sup>1777</sup> Féach Ó Fiannachta (1980: 20), áit a dtugtar plé ar na stíleanna peannaireachta atá sa lámhscríbhinn seo. Bheadh tuairim agam go bhfuil athrú beag nó dhó le déanamh ar an liosta leathanach a chuireann sé síos do Dhonnchadh Mag Oireachtaigh. Téann stíl an phríomhscríobhaí eile i gcosúlacht le stíl Dhonnchaidh cúpla uair, agus tá cúpla leathanach sa lámhscríbhinn a scríobhadh go garbh agus go ciotach sa dóigh nach bhfuilim sásta gur scríobh duine den bheirt príomhscríobhaithe iad. Seo iad iad: 48*m*, 66, 74, 87, 89-92, 102, 168, agus is cinnte gur scríobh duine eile an nóta Béarla ar lch 71. Tá lgh 169-75 i láimh an té a scríobh an chuid is mó de ARÉ 23B19 (495), an lámhscríbhinn inspéise úd de chuid scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha a dhéanann trácht ar an iomarbhá a reáchtáil sé idir na blianta 1825 agus 1826. Is dóigh gurbh é Pádraig Ó Gallóglaigh a scríobh na leathanaigh seo, ar an ábhar sin. Ar an taobh eile den scéal, tá lch 176 (cúl lch 175), a fágadh bán i dtús áite, sínithe ag Éadbhard Ó hEachaidh, rud a thugann le fios go bhfuair sé greim ar lámhscríbhinn amháin de chuid scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha, ar a laghad.

Ag filleadh siar ar phríomhscríobhaithe COFLA L12 (*b*) arís, is dóigh liom gur scríobh Donnchadh Mag Oireachtaigh lgh 3-28, 30-3*m*, 37-48*m*, 49-54, 59-65, 67-70, 72-3, 75-86, 93-101*m*, 103-9, 111-23, 125-8*m*, 161-7*m*. Scríobh Éadbhard Ó hEachaidh lgh 1-2, 29, 33*m*-36, 55-8, 88, 101*m*, 110, 124, 128*m*-160, 167*m*.

<sup>1778</sup> Níor scríobh Donnchadh na téarmaí foclóra ar ff. 83, 85, 86, 87, 88-92*b*, in LB Add. 18746, ach tá príomhchuid na lámhscríbhinne, ff. 1-82*b*, ina láimh. Ós rud é go bhfuil gluaiseanna sa láimh chéanna in LB Add. 18748, ff. 130-131, lámhscríbhinn eile a scríobhadh do Shomhairle Ó Coltran, is dóigh gurbh eisean nó duine eile dá mhuintir a scríobh na nótaí sin.

<sup>1779</sup> Cé nach luaitear pátrún in LB Add. 18746, deir Flower gur scríobhadh í ‘no doubt for Samuel Coulter of Carnbeg...’, agus is féidir glacadh leis seo, óir bhí an lámhscríbhinn seo i measc an chnuasaigh a dhíol Thomas Romney Robinson le hIarsmalann na Breataine, an 8 Samhain 1851, *B.M. Cat.*, ii, 383.

Tugann Donnchadh Mag Oireachtaigh an t-eolas seo a leanas in LB Add. 18749 faoi: ‘... 1792. Airna sgriobhadh chum usaide Shamhairle Uí Choldran san c*Carnn* Bheag ccoimhneasa don tSraidbhaile’, f. 33*b*. In ainneoin go luaitear é mar phátrún le LB Add. 18747-18749 amháin sna lámhscríbhinní iad féin, is soiléir gur grafadh LB Add. 18746-18749 dó, mar a deir Nelson (1987: 15 col. a),

Lámhscríbhinn.	Scríobhaí.	Dáta.	Pátrún.
LB Add. 18746.	Donnchadh Mag Oireachtaigh.	1796.	_____
LB Add. 18747.	Pádraig Ó Loingsigh.	1800.	Samuel Cultran.
LB Add. 18748.	Pádraig Ó Loingsigh.	1800.	Samuel Cultran.
LB Add. 18749.	Donnchadh Mag Oireachtaigh.	1792.	Shamhairle Uí Choldran ( <i>gin.</i> ).

Bhain LB Add. 18745 (Béarla) fosta leis an gcnuasach seo. Maidir le Somhairle Ó Coltran é féin, is éasca é a aithint, tharla go bhfuil a ionad cónaithe, An Carn Beag, luaite leis na lámhscríbhinní a grafadh idir na blianta 1796 agus 1800. Scríobhadh cuntais ar a bheatha in Nelson (1987), agus in Duffy (1987: 232-4).



**LB Add. 18749.** Laoithe fiannaíochta, dánta le Magnus Ó Domhnaill, Diarmaid Ruadh Ó Muireadhaigh, Séathrún Céitinn, Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Peadar Ó Doirnín, Eoghan Ó Donnghaile, Art Mac Cumhaigh, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Conchubhar Ó Díomasaigh, Brian Óg Mac Cana, Éireamhoin Ó Dochartaigh, ‘Faoistin Dhuine Éigin’, dánfhocail, ‘An Teagasc Ríoghda’, ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’. 1792. Do *Shomhairle Ó Coltran*.<sup>1780</sup>

**LPBF 26.** Formhór di.<sup>1781</sup> ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’ (cuid di), dánfhocal, dánta le Séamus Mac Cuarta, Art Mac Cumhaigh, Pádraig Mac a Liondain agus Peadar Ó Doirnín (amhrán Béarla). 1782.

**ÓEG H20 (c).** Cuid di. Dán le Séamus Mac Cuarta. 1788.

Chonaic muid sa chuntas i gCaib. 1.4.1.1 thuas ar scríobhaithe Cho. Lú, go raibh cuid mhaith scoláirí Gaeilge ag scríobh agus ag léamh sa dúiche thart ar pharóiste Fhochaird ó na blianta deiridh den 18ú hAois ar aghaidh. Más fíor an méid sin, níl ach an oiread is lú eolas ar fáil againn ina dtaobh, ó tharla nach bhfuil taifid mhaithe paróiste againn go dtí lár na 19ú hAoise. Thig linn triúr scríobhaithe ar leith a lua a d’fhág mórán againn—Donnchadh Mag Oireachtaigh agus Éadbhard Ó hEachaidh (*q.v.*) san 18ú hAois; agus Pádraig Mhac Gatháin ag ar thit cuid de lámhscríbhinní na

---

<sup>1780</sup> Féach nóta 1779 thuas.

<sup>1781</sup> Ní lámhscríbhinn fhoirfe í LPBF 26 ach cnuasach de leabhair choiteanna ina bhfuil téacsanna scríofa i bpeannaireacht Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh agus Éadbhaird Uí Eachaidh. Ba é Donnchadh a ghráf an chuid is mó de na téacsanna a bhfuil trácht orthu in Ó Buachalla (1962: 21), ach tá mórán gíotaí, nótaí scartha, sleachta as nótaí gealltanais agus páipéir oifigiúla ar leathanaigh eile, agus a bhformhór mór i láimh Éadbhaird. Ní fiú iarracht a dhéanamh ar dháileadh an dá láimh seo a thabhairt, ach na gíotaí inspéise a scríobh Éadbhard a lua: (1) d’athscríobh sé an chéad leathanach de ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’, agus chuir sé an méid di a bhí in easnamh i gcóip Dhonnchaidh leis an lámhscríbhinn; (2) rinne sé athnuachan ar an dúch i gcúpla áit; (3) tá an chéad dá rann a luaitear in Ó Buachalla (1962: 21) faoi lch 41 ina láimh, agus an dán le Peadar Ó Doirnín a thugtar faoi lch 70 san áit chéanna. Tá dhá cholafon leis an dán a thugann le fios gur ghráf ‘Edward Haughey in Dungooly’ é; tugann Donnchadh Mag Oireachtaigh an 27 Aibreán 1782 áit amháin. An ‘colafon’ eile a luann Ó Buachalla (1962: 21 *n.29*), ‘Padruicc Mhac Gathan a nDuingoole a bparaste Fhachart is a cCui[n]taidh Luigh, December 28<sup>th</sup>, 1842’, níl ann ach nóta sealbhóra. Féach an cuntas ar Phádraig Mhac Gatháin i gCaib. 2.73 thuas.

beirte sin le huacht sa 19ú hAois. Bhain siad uilig le haon bhaile fearainn amháin, Dún gCuaile, agus ní haon iontas é go bhfuil cosúlachtaí móra ann idir a gcuid lámhscríbhinní ó thaobh an ábhair de. Is é an saothar is tábhachtaí atá againn de chuid Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh an cnuasach dánta le Peadar Ó Doirnín a scríobh sé, i bpáirt le hÉadbhard Ó hEachaidh, isteach i gcúpla lámhscríbhinn idir na blianta 1782 agus 1792.

Thiomsaigh Donnchadh Mag Oireachtaigh cúpla lámhscríbhinn thábhachtach a bhfuil cóipeanna luatha uathúla de shaothair Pheadair Uí Dhoirnín agus Airt Mhic Cumhaigh iontu: scríobh sé an chéad cheann, COFLA L12 (b), i bpáirt le hÉadbhard Ó hEachaidh idir na blianta 1782 agus 1792; agus an dara ceann acu leis féin dá phátrún Somhairle Ó Coltran. Tugtar LB Add. 18749 ar an lámhscríbhinn sin anois, agus tá 18 ndán inti le Peadar Ó Doirnín agus ceithre cinn le hArt Mac Cumhaigh.<sup>1782</sup> Is beag eolas atá againn ina thaobh, áfach. Scríobhadh sé go néata, cé nach raibh ortagrafaíocht na teanga ar eolas ach go measartha aige ar chor ar bith, agus ba mhinic focail á litriú de réir na cluaise aige.<sup>1783</sup> Is dóigh go ndéanadh sé iarracht a bheith chomh dflis agus ab fhéidir leis agus é ag cóipeáil lámhscríbhinní, óir is éard a deir eagarthóir ‘Cath Mhaighe Léana’, Jackson (1938: xiii), faoin gcóip den téacs atá in LB Add. 18746 gur ‘a very faithful copy of [ARÉ 23]L[18 (554)]’ í.<sup>1784</sup> Ba don phátrún céanna agus a bhí aige ceithre bliana roimhe sin, Somhairle Ó

---

<sup>1782</sup> Thug Robin Flower liosta d’amhráin leis an mbeirt sin sa *B.M. Cat.*, ii, 123, ach tá dul amú ar uimhreacha na n-airteagal ar an leathanach sin: chum Peadar Ó Doirnín airt. 36-7, 39-41, 43-4, 46-9, [50], 51-5, 84; agus chum Art Mac Cumhaigh uimh. 61, 63, 80-1, de réir mar a uimhrítear iad sa chuntas ar ábhar na lámhscríbhinne.

<sup>1783</sup> Mar léiriú ar an litriú garbh ‘foghrúil’ a úsáideann Donnchadh nuair nach mbíonn eiseamláir [? mhaith] roimhe, is dócha gur leor an líne seo a baineadh as Ó Buachalla (1962: 21), *Náth na scaoin* [= *In Inis Caoin*] atá an toirise dadh [= do] fhíorscaith na Fodhla, LPBF 26, lch 54. Tá samplaí eile as lámhscríbhinní Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh in Ó Buachalla (1969: 30 n.38). Is ionann A, B sa leabhar sin agus COFLA L12 (b), LB Add. 18749.

<sup>1784</sup> Bíodh go dtagann ábhar LB Add. 18746 as ARÉ 23L18 (554) ar dhóigh amháin nó eile, is féidir go ndéanadh an scríobh as cóip eile de lámhscríbhinn Sheáin Uí Chonchubhair, an chóip a scríobh Pádraig Ó Brinn (MN R79) idir na blianta 1780 agus 1781, b’fhéidir. Féach an cuntas ar Sheán Ó Conchubhair i gCaib. 2.140 thíos.

Coltran, a ghráf sé LB Add. 18746 sa bhliain 1796. Is é an 26 Deireadh Fómhair 1796 an dáta is déanaí sa lámhscríbhinn,<sup>1785</sup> agus téann Donnchadh glan ó thuairisc ina dhiaidh sin. B'fhéidir gur cailleadh é thart faoi 1796, ó tharla gur fhostaigh Somhairle scríobhaí eile, Pádraig Ó Loingsigh (*q.v.*), le hábhar a chóipeáil dó sa bhliain 1800. D'fhan cuid dá pháipéir i seilbh an té ar tiomsaíodh cuid acu i bpáirt leis—Éadbhard Ó hEachaidh, agus tharla beagán díobh i seilbh Phádraig Mhic Gatháin (*q.v.*), a bhain leis an nglúin deiridh de scríobhaithe thuaisceart Cho. Lú.

**2.94. Cormac Mac Parthaláin,**<sup>1786</sup> *fl.*1696-8 [Cormuck (M<sup>c</sup>)Pharlane]

**CT H.5.3 (1375).** Formhór di.<sup>1787</sup> Amhráin le Tomás Hailís, búrdúin agus dánfhocail, cuid acu le Donnchadh Mac Brádaigh, Énrí Caoch Mac Ardghail, dánta, marbhnaí agus *distichia* Laidine, dréachtchonradh síochána idir an Fhrainc, an Ghearmáin agus críocha eile (Béarla, 1696), dánta le Diarmaid Mac Muireadhaigh, Cathal Ó Fiacháin, tráchtas Béarla dar teideal *A Net for the Fishers of Men* (1685), cuid de ‘Duan Uí Dhubhagáin’. 1696-8.

Cnuasach spéisiúil de théacsanna Béarla, Gaeilge agus Laidine í an lámhscríbhinn seo, maille le cóip de théacs a scríobh Irwin McCullagh sa bhliain 1685 mar chuid d'fheachtas an Fhrith-Reifirméisín. Tá glacadh éigin leis gurbh as Bréifne<sup>1788</sup> don scríobhaí seo (Ó Buachalla 1975: 23), ach níl de sheasamh ag an tuairim seo ach gur

---

<sup>1785</sup> Tugtar an colafon ina luaitear an 26 Deireadh Fómhair 1796 in LB Add. 18746, f. 51b, Finis a d(t)'Eachtra na cCuradh an *treas* raimh, & airna sgríobhadh do laimh Dhonnchuidhe Mhic Gaoirreachtaigh ann seisiomh la fichit do mhídh an October, an bhliaghain tt' Aois an Tiagharna, Mile *air* sheacht cead sé blághna *air* nochad, 1796.

<sup>1786</sup> Mo bhuíochas le Andrew Jackson a thiontaigh alt Phádraig Bhreatnaigh (1986) ó Fhraincis go Gaeilge dom, agus ba mhór an gar dom é.

<sup>1787</sup> Féach nóta 836 thuas ar an ngiota a scríobh Uaithne Barnhall, agus ar na sínithe agus ábhar eile atá inti.

<sup>1788</sup> Féach fosta: ‘A en juger par les traces du dialecte du Nord dans l’orthographe...’, ainsi que par quantité de compositions qui touchent les maisons de Mág Uidhir, Ó Raghallaigh, Ó Ruairc, a Búrc ...’, le scribe était probablement de la famille Mac Parthaláin, une famille de lettrés de Co. Cavan’ (Breatnach 1986: 157).

theaghlach léannta iad muintir Mhic Pharthaláin i mBréifne sa tseanaimsir. Bhí an lámhscríbhinn i seilbh mhuintir Barnhall ó Bhaile Mhic Líon i bparóiste Dhomhnach Mór i ndeisceart Cho. na Mí sa chéad leath den 18ú hAois, agus tá breacadaíl le hAodh Ó Dálaigh inti; d'fhéadfadh sé gurbh é Cormac Mac Parthaláin an té a raibh LB Eg. 136 ina sheilbh aige tráth (de Brún 1969: 554; Ó Buachalla 1975: 23 n.10).<sup>1789</sup>

Leagtar dán gearr, *Is iar ndul dhúinn tar sáile soir*—nó *pastiche* ó cheart (Breatnach 1986: 157 n.3)—ar bheirt sagart Proinsiasach, Cormac Mac Parthaláin agus Feidhlimé Ó Ruairc, in ARÉ 23N33 (565), lámhscríbhinn a ghráf Nioclás Ó Cearnaigh sa bhliain 1851. Cé go bhfuil tagairtí againn do shagart darb ainm Feidhlimé Ó Ruairc a bhí sa Spáinn i dtreo dheireadh na 17ú hAoise, níl cruthú againn go raibh sagart darb ainm Cormac Mac Parthaláin in Éirinn nó thar sáile sa tréimhse sin (Breatnach 1986: 157).<sup>1790</sup> Chreid Mhág Craith (1967: 260-1), a chuir an téacs i gcló, gur bhain Nioclás ainm an scríobhaí ó CT H.5.3 (1375),<sup>1791</sup> ós rud é go bhfuil an téacs a thagann roimh an *pastiche* seo i lámhscríbhinn Niocláis Uí Chearnaigh, ARÉ 23N33 (565), le fáil i lámhscríbhinn Chormaic Mhic Pharthaláin fosta (Mhág Craith 1980: 244). Ba chóir a lua, áfach, gur tháinig cóip eile den dán a ngabhann an inscríbhinn chéanna léi chun solais ó shin.<sup>1792</sup> Tugadh faoi deara go bhfuil cosúlachtaí móra stíle idir roinnt téacsanna uathúla in CT H.5.3 (1375) nuair a cuireadh cuid acu i gcló tamall maith ó shin, agus thuairimigh Breatnach (1986: 153; 1989), eagarthóir na dtéacsanna sin, gur féidir gur chum an scríobhaí féin iad.

---

<sup>1789</sup> Maidir leis na sínithe atá in CT H.5.3 (1375), féach nóta 836 thuas. Déantar plé gairid ar LB Eg. 136 i nóta 788.

<sup>1790</sup> Tacaíonn ábhar na lámhscríbhinne leis an tuairim gur scríobh sagart í; féach an gearrchuntas a thugtar uirthi thuas, agus an *T.C.D. Cat.*, 226-31.

<sup>1791</sup> Maidir le hiontaofacht lámhscríbhinní Niocláis Uí Chearnaigh, féach na cuntais a thugtar ar Phádraig Ó Cathaláin agus ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.126, 2.149.

<sup>1792</sup> LHC 5709 (b), lch [13]. Níor síníodh an lámhscríbhinn, agus ní féidir liom teacht ar chóip di ar mhionscannán.

Diomaite de sin, níl ach an frídín is lú eolas againn i dtaobh Chormaic Mhic Pharthaláin.

## 2.95. Maolmuire Mhac Parthaláin, fl.1776 nó 1777

**LPH 12079M.** Dánta le [hÉamonn Ó Caiside, Séamus Mac Cuarta], Eochaidh Ó hEodhasa, Tadhg Dall Ó hUiginn, dhá thráchtas bheaga ar Fhiachadh Sreabhaine agus na Trí Colla, foclóir beag Gaeilge-Béarla, dánfhocal, amhráin, laoi fiannaíochta. 1776 nó 1777.<sup>1793</sup>

Is lámhscríbhinn luachmhar í LPH 12079M, mar is follas ón gcuntas ar a hábhar a tugadh thuas, ach níl aon eolas beathaisnéise ar fáil faoin té a ghraf í. Ghlac Ó Buachalla (1975: 23) leis, ar bhonn a shloinne, is dócha, gurbh as áit éigin i mBréifne do Mhaolmuire. Tá claonadh éigin i dtreo Oiriaila le sonrú in ábhar na lámhscríbhinne: féach go bhfuil inti dán le Séamus Mac Cuarta ar Thoirdealbhadh Ó Néill, duine de Mhuintir an Fheadha;<sup>1794</sup> dán de chuid Éamoinn Uí Chaiside ar thriúr dar shloinne Mag Mathghamhna ó Cho. Mhuineacháin a thit i gCath Eachdhroma, 1691;<sup>1795</sup> agus dhá théacs bheaga ar Fhiachaidh Sreabhaine agus ar na Trí Colla.<sup>1796</sup> Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn goidé mar a tharla an lámhscríbhinn i gnuasach Mayer, a bronnadh sa bhliain 1867 ar Iarsmalann Learphoill, agus atá ar coimeád i leabharlann Ollscoil Learphoill, ach is féidir cuid

<sup>1793</sup> Mar a scríobhann Mac Lochlainn (1958: 236), ‘Scribal colophon, *Ar sgríabha le Maolmuire mhac Paralán, an cead la do mhí September, an bliaghan daois an tighearna seventeen hundred and seventy . . . (?)* Only the initial *s* of this last word is legible, the rest having been trimmed off, so it must be either 76, or 77’.

<sup>1794</sup> Féach Ó Gallchóir (1971: 77-8), áit a dtugtar liosta fada de lámhscríbhinní ina bhfuil dánta le Séamus Mac Cuarta. Is beag acu a scríobhadh taobh amuigh de na ceithre chontae a áirítear mar chuid d’Oiriaila i gCaib. 1.4.1—Co. Lú, Co. na Mí, Co. Mhuineacháin, agus Co. Ard Mhacha; tá cúpla dán dá chuid i lámhscríbhinní Cho. an Dúin, agus corcheann sna lámhscríbhinní a scríobhadh in oirdheisceart Cho. an Chabháin sa 19ú hAois.

<sup>1795</sup> Is fiú a lua nach bhfuil ach aon chóip amháin eile den dán seo againn, in ARÉ C.vi.1 (936), a grafadh i gCo. Fhear Manach do Bhrian Mhag Uidhir sa bhliain 1718. Féach Aguisín 10, mar a bhfaighfear nótaí eile i dtaobh an fhile. Bhí cóip eile den dán in Coyle 3, ach tá sí ar iarraidh.

<sup>1796</sup> Féach Smith (2017: 317-18), áit a dtugtar plé an-ghearr ar an scéal. Tugtar nóta gearr ar an dá théacs i gCaib. 1.4.1.3 thuas.

mhaith den bheagán lámhscríbhinní Gaeilge a bhí sa chnuasach a cheangal le deisceart Cho. Ard Mhacha. Bhí an sloinne McParland coitianta go leor sa taobh sin tíre chomh fada siar leis an 17ú hAois.<sup>1797</sup>

## 2.96. Feidhlimidh Mag Ruadhraidh

**ARÉ 23Q15 (699).** Formhór di.<sup>1798</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn (neamhiomlán)’.

Cé gur scríobhadh an lámhscríbhinn seo go néata soiléir, tá drochbhail uirthi anois agus mantanna móra i gcuid de na leathanaigh, agus cuid den téacs ar iarraidh, mar sin. Thuigfí ón stíl pheannaireachta gur breacadh í roimh an dara leath den 18ú hAois.

## 2.97. Séamus Mag Shamhradháin, fl.1799

**ARÉ 12M9 (1114).** Breiseanna le foclóir Shaw (1780). Baile Mhic Gabhráin, An Cabhán 1799.

**ARÉ 24E2 (1133).**<sup>1799</sup> Breiseanna le foclóir Shaw (1780). [Baile Mhic Gabhráin, An Cabhán 1799].

Cóip idirdhuillithe í ARÉ 12M19 (1114) den chéad imleabhar d’fhoclóir Shaw, *A Galic and English Dictionary* (1780), agus tá cuid mhaith ceartúchán déanta ar an

---

<sup>1797</sup> Féach nóta 3819. Maidir leis an sloinne Mac Parthaláin (McParland) i gCo. Ard Mhacha, féach an ‘List of Principall Irish Families’ atá istigh le daonáireamh (príomháiitheoirí amháin) a glacadh idir na blianta 1659 agus 1660, agus na *Hearth Money Rolls* (1664) don Fhíodh. Cuireadh i gcló iad in Murray (1934: 152-3).

<sup>1798</sup> Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 2131, go bhfuil cuid de f. 96 i láimh eile. Scríobh Feidhlimidh an chuid eile den lámhscríbhinn, go bhfios dom.

<sup>1799</sup> Dealraíonn sé gur fágadh an ‘lámhscríbhinn’ seo ar Edward O’Reilly sa chatalóg trí dhearmad, *R.I.A. Cat.*, 3090 (féach an *R.I.A. Cat.*, 3063, i dtaobh ARÉ 12M9 (1114)), ach is beag atá idir stíl pheannaireachta Shéamuis agus stíl bhunaidh Edward (mar atá sí in ARÉ 23Q1 (570), marc uisce: 1794, srl.). Glacadh leis sa chatalóg gearrtheideal atá ar fáil ar shuíomh an Acadaimh, [www.ria.ie](http://www.ria.ie), gur scríobh Séamus na breiseanna sa dá lámhscríbhinn.

mbuntéacs fosta i bpeannaireacht Shéamuis.<sup>1800</sup> Dealraíonn sé gurb í an dara himleabhar den fhoclóir í ARÉ 24E2 (1133). Tagraítear do Shéamus Mag Shamhradháin éigin in MN C92 (g), ar cnuasach bloghanna í, ‘Ag so leabhar le Sheamuis glegeal cluín Mac Gabhráin mhic Fearraighidh Óig’.<sup>1801</sup> Níl mé sásta ar chor ar bith gurbh é an duine céanna a scríobh an giota sin agus an scoláire a cheartaigh foclóir Shaw, ná ní féidir é a cheangal leis an ‘James Magauran’ a raibh naisc aige leis an *Kildare Place Society* agus, mar gheall air sin, an duine darbh ainm sin a fuair íocaíocht ón *Irish Society*.<sup>1802</sup>

**2.98. Seán Mhag Shamhradháin, fl.1715-18** [John Magauran]<sup>1803</sup>

**CT H.2.6 (1297).** Formhór di.<sup>1804</sup> ‘Meguidhir Fhearmanach’, dán le Diarmaid Mac Muireadhaigh, ‘Beatha Mhaodhóige’, agus dánta eile a bhaineann leis, ‘Bruidhean Chaorthainn’, ‘Eachtra an Ghiolla Dheacair’, ‘Bruidhean Chéise Corainn’, ‘Oidhe Fhirdhia’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘Eachtra an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Eachtra Ridire na Leomhan’, ‘Eachtra an Amadáin Mhóir’. 1715-<sup>16</sup>/<sub>17</sub>.<sup>1805</sup>

Do *Bhrian Mhag Uidhir*.<sup>1806</sup>

<sup>1800</sup> ‘This manuscript came to the Academy from the Haliday collection and these lexicographical items may be due to William Haliday’, dar le de Brún (1969: 556 n.23). Ar scrúdú na peannaireachta dom, tá mé sásta go réitíonn sí leis an nóta a scríobh Séamus Mag Shamhradháin ar leathanach teidil an fhoclóra in ARÉ 12M9 (1114).

<sup>1801</sup> MN C92 (g), lch 28; *M.N. Cat.*, vi, 35. Tá blogh de thráchtas gramadaí ar an taobh eile (lch 27) den duilleog.

<sup>1802</sup> Féach de Brún (2009: 346-7), mar a bhfaighfear eolas ar an duine seo, atá ró-óg lena aithint leis an scríobhaí.

<sup>1803</sup> Ainm deimhnithe é seo; féach LN G33, agus nóta 1808 thíos.

<sup>1804</sup> An lámhscríbhinn uilig seachas an leathanach teidil, agus an giota i ndiaidh f. 28 i gcuid 7, mar a deirtear sa *T.C.D. Cat.*, 336.

<sup>1805</sup> Tugtar dátaí éagsúla do CT H.2.6 (1297): m.sh. idir 1715 agus 1720 i gcatalóg Sheáin Uí Dhonnabháin—féach Ó Duinnín (1917: 139); 1716 sa *T.C.D. Cat.*, 74; 1716, 17<sup>16</sup>/<sub>17</sub> in Ó Duinnín (1917: 7, 69, 71); 1716 in Ní Chróinín (1952: vii); 1716 in Harrison (1973-4: 189); 1716 in Mhág Craith (1980: 242); 17<sup>16</sup>/<sub>17</sub> in Hyde (1899: xii); 1717 in Ó Mórdha (1982: 48); ‘about 1715’ in Cunningham & Gillespie (1988: 42), agus eile. Tá áireamh—idir áireamh leathanach agus duilleog, ar na codanna éagsúla de CT H.2.6 (1297): ‘Jany y<sup>e</sup> 2 (?): 17<sup>16</sup>/<sub>17</sub>’, cuid 1, leathanach teidil; an 26 Márta

**CV Borg. Irland 1.**<sup>1807</sup> ‘Imtheacht an Dá Nónbhar agus Tóraidheacht Taise Taoibhghile’. 1718. Do *Bhrian Mhag Uidhir*.

**LN G33.** Blogh di.<sup>1808</sup> Búrdún, dán Béarla.

Ghraf an scríobhaí seo dhá lámhscríbhinn thábhachtacha, ach is beag atá ar eolas againn faoi. Ba mhac é le Cobhthach Mhag Shamhradháin,<sup>1809</sup> mar a deir sé linn in CT H.2.6 (1297) agus in CV Borg. Irland 1, ach ní fios cár saolaíodh é. Ó tharla gur ghraf sé lámhscríbhinní do Bhrian Mhag Uidhir idir na blianta 1715 agus 1718, is dóigh go raibh cónaí air i gCo. Fhear Manach, nó áit éigin i mBréifne.<sup>1810</sup> Is í an lámhscríbhinn is luachmhaire dár scríobh sé CT H.2.6 (1297), cnuasach de scéalta rómánsaíochta a scríobhadh idir 1715 agus an 2 (?) Eanáir 17<sup>16</sup>/<sub>17</sub>, an lá ar chuir Seán an réamhrá tiomanta seo lena shaothar,

Ag so leabhar Bhriain Mhe Guidhir *mhic* Conc[h]abhair Mhodara *mhic* Bhríain *mhic* Séain *mhic* Feidhleime Dhuibh *mhic* Giolla Phattruig *mhic* Émuinn na Cúile .i. Ma Guidhir *mhic* Tomáis Óig *mhic* Tomáis Mhóir .i. áoncheann cothaigh[th]e 7 congfhála Shleachta Ghiolla Phattruig *mhic* Émoinn na Cúile, bíatach iomlán congbus teach aoidheadh prinsipalta lé adhaidh úasal 7 ísiol, éigsi 7 ollamhan, áos ciúil 7 oirfide; oide oileamhna 7 altruim na n-órd *ccrábhaidh* a n-aimsir persecution; déirceach 7 tiodhlaiceach do bhochtaibh, do bhaintreabheachuibh, 7 do dhileachtuibh agus do dheibhleinnibh *dearóile* Dé; duine do chaill móran *airgid* le hathnúadh, le

---

1716, cuid 1, lch 1; an 13 Aibreán 1716, cuid 1, lch 31; an 20 Iúil 1716, cuid 2, lch 1; an 4 Samhain 1715, cuid 3, f. 10v; 1715, cuid 5, f. 1; 1715, cuid 5, f. 5.

Creidim gur dhá lámhscríbhinn ar leith atá ann ó cheart, óir is ábhar spéise go bhfuil uimhriú de réir leathanach ar an gcéad dá chuid a scríobhadh idir na blianta 1716 agus 17<sup>16</sup>/<sub>17</sub>, agus go bhfuil uimhriú de réir duilleog ar chodanna 3-8, a scríobhadh sa bhliain 1715. Tá uimhriú de réir leathanach ar chuid 9 nach bhfuil dáta léi. Ní luaitear Brian Mhag Uidhir ach ar an leathanach teidil. Tá an pheannaireacht iontach maith.

<sup>1806</sup> Féach nóta 1936.

<sup>1807</sup> *Ol. CV Borg. Hib. 5.* Bhronn Mrs. Sutton éigin fótastat den lámhscríbhinn ar Acadamh Ríoga na hÉireann (Ó Duinnín 1917: 70). Bhí fótastat eile i seilbh Dhubhglais de hÍde tráth (‘Vol. 63’ sa *de Búrca Cat.*), ach tá sí ar iarraidh le fada. Maidir le dáta na bunlámhscríbhinne, féach Ní Mhuirgheasa (1944: xv n.3) agus Mac Aodhagáin (1954: 61), áit a dtugtar an dáta scríofa 1718. Tugtar 1708 in Ó Duinnín (1917: 70), agus 1721 in Cunningham & Gillespie (1988: 42).

<sup>1808</sup> Scríobh Seán dhá théacs isteach in LN G33: (1) rann Gaeilge ar ghiota páipéir atá greamaithe den chlúdach cúil (agus é sínithe); (2) dán Béarla ina lámh, agus a shíniú, ‘John Magauran’, leis, ag deireadh an leabhair. Cóip chlóite de shaothar Uí Chléirigh, *Focloir no Sanasan Nua* (1643) atá in LN G33; bhí sí i seilbh Aodha Uí Dhálaigh, Henrí Mhic an tSaoir, agus Edward O’Reilly fosta.

<sup>1809</sup> CT H.2.6 (1297), cuid 1, lch 1.

<sup>1810</sup> Chreid Ó Mórdha (1982: 48) go raibh Seán ina chónaí in iarthar Cho. an Chabháin lá dá shaol.



sgríobha 7 lé fúasgladh iomad leabhar o Ghallaibh 7 o Gháedhealaibh, chum maithiosa na cundáe, do mhéadughadh anma 7 onóra an chinidh da bhfuil, do mheadughadh glóire 7 onóra Dé, 7 do chum a dhul a leas 7 a sochar da anom, 7 go ndeachaigh. Jany y<sup>e</sup> 2 (?): 17<sup>16</sup>/17.<sup>1811</sup>

Bhí CT H.2.6 (1297) i mBaile Átha Cliath thart ar an mbliain 1738, nuair a chóipeáil Cú Chonnacht Mag Aodha [2] (*q.v.*) an téacs *Meguidhir Fhearmanach* aisti.

Dhealródh sé gur shroich LN G33 an baile sin thart faoin am sin fosta, tharla go raibh sí i seilbh Aodha Uí Dhálaigh i lár na 18ú hAoise. Gheofar roinnt nótaí ar fhoirmeacha teanga in CT H.2.6 (1297)—ar fhoirmeacha na mbriathra ach go háirithe—in Dillon (2013: 33).

## 2.99. Cathal Mhac Searraigh, *fl.* 1685-6

**CT H.4.14 (1355).** Formhór di. ‘Feis Tighe Chonáin’, cuid de ‘Duan Uí Dhubhagáin’, ginealaigh, litreacha oghaim, ‘Oidhe Chloinne Lir’, dánfhocail, comhrá idir an Corp agus an tAnam, dánta le hAodh Mhac Aingil, Eoghan Ó Dubhthaigh, ‘Eachtra agus Oidhe Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘Eachtra an Ghiolla Dheacair’, scéal fiannaíochta. 1685-6.

Glactar leis go forleathan gur scríobhaí Ultach é Cathal Mhac Searraigh.<sup>1812</sup> Tá difríochtaí beaga i stíl na peannaireachta tríd an lámhscríbhinn, agus d’fhéadfadh sé go raibh sí idir lámha aige seal éigin i ndiaidh a scríofa.<sup>1813</sup> Líon sé cuid de na leathanaigh bhána ag deireadh na lámhscríbhinne le dánfhocail, agus tá ábhar i

<sup>1811</sup> CT H.2.6 (1297), cuid 1, leathanach teidil. I gcló in Hyde (1899: xii), agus in Ó Duinnín (1917: 69-70).

<sup>1812</sup> Féach an *B.M. Cat.*, ii, 336; Bruford (1969: 255, srl.); srl.

<sup>1813</sup> Féach an cuntas ar Thomás de la hÍd i gCaib. 2.18 thuas, áfach.

dtosach agus i gcúl na lámhscríbhinne ó lámha éagsúla, agus a grafadh thart ar dheireadh na 17ú hAoise.

**2.100. Nioclás Mac Síomóin, fl.1797**

**COBÁC A39 (a-b).** Bloghanna díobh. Dánfhocail agus giotaí gearra eile.

1797. [Don Ath. *Brian Ó Cathaláin*].<sup>1814</sup>

Chuir Nioclás blúirí beaga leis an lámhscríbhinn seo, an tráth a raibh sí fós i seilbh an phríomhscríobhaí, an tAth. Brian Ó Cathaláin (*q.v.*). Is spéisiúil an ní é gur tugadh díolaíocht do dhuine darbh ainm Nicholas Fitzsimons as a bheith ina theangaire ag na *Assizes* (na Seisiúin) i gCo. na Mí sna blianta 1775 agus 1790.<sup>1815</sup>

**2.101. Séamus Mac Síomóin, fl.1670-3**

[James Fi[tz]simons]

**COBÁC B76.** Giota de dhán le Séathrún Céitinn, ábhar Laidine. 1672.

**COBÁC B85.** Dánfhocal, ábhar Laidine. 1673.

**COBÁC B92.** Búrdún, ábhar Laidine agus Iodáilise.

Chuireadh an scríobhaí seo, ar mhac léinn sa Róimh é idir 1670 agus 1673, giotaí beaga Gaeilge lena chuid nótaí léachta. Deirtear i dtaifid an choláiste gur tháinig sé ann ó Dheoise na Cille Móire, agus bhí sé socraithe ann faoin 5 Aibreán 1670. Fuair Fenning (2005: 26) an méid seo eolais ina thaobh sna taifid ann,

---

<sup>1814</sup> Deirim gur scríobhadh na giotaí seo don Ath. Brian Ó Cathaláin, ar an ábhar gur scríobh Nioclás Mac Síomóin na téacsanna atá luaite agam thuas isteach i lámhscríbhinn de chuid an Ath. Brian, agus a bhí ar ais i gcuasach an Ath. Brian é féin sna blianta 1801 agus 1803.

<sup>1815</sup> D'fhoilsigh Brady (1959: 62-3) giotaí as 'Queries and Presentments' *Assizes* Cho. na Mí a fuarthas i gclárann Bhaile Átha Troim sa bhliain 1943. Tugadh £5 do Nicholas Fitzsimons ag *Assizes* na Cásca 1775, agus *Assizes* na Cásca 1790; níl taifid ar fáil do na blianta 1777-1783, ná 1791-1795. Tá na taifid iontach bearnach, ach luaitear duine eile, George Ladley, ar díoladh £15 leis ag *Assizes* na Cásca sa bhliain 1801, agus bhí sé ceaptha sa phost sin le corradh agus bliain go leith.

1670 FITZSIMONS, James. *Ms. Fiesimons, Fresimons*. Irish College; diocese of Kilmore. *Tonsure and Ostiarius* [= Porter] 5 Apr. [1670]. *Ordaining bishop* de Angelis. *Lector, Exorcist and Acolyte* 18 May [1670]. *Ordaining bishop* Carafa in chapel of the House of the Misson. *SubDiaconate* 17 Dec. 1672. *Ordaining bishop* de Angelis. *Diaconate* 8 Jan. 1673. *Priesthood* 22 Jan. 1673. In domestic chapel of *ordaining bishop* de Angelis.

Dhealródh sé go raibh sé i ngar dá chúrsa a chur i gcrích nuair a scríobh sé COBÁC B85, mar sin. Is spéisiúil an ní é gur tugadh na gradaim chéanna do mhac-chléireach eile ón deoise chéanna, Patrick Kiernan,<sup>1816</sup> ar na laethanta céanna agus a fuair Séamus Mac Síomóin iad. Ní fios dom cá ndeachaigh sé i ndiaidh a oirnithe. Thuairimigh Fennessy (1995: 176) gur dhíol sé cuid dá nótaí léachta le mic léinn eile lá ní b'fhaide anonn.

**2.102. Seon Mhac Solaidh,**<sup>1817</sup> *fl.* 1711-24 [John Solly]<sup>1818</sup>

**ARÉ 23A40 (150).**<sup>1819</sup> ‘Seanchas Ríogh Éireann’, dánta le Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Giolla Modhubhda Ó Caiside, Eochaidh Ó Floinn, ginealas Philippe IV na Spáinne, ‘Ginealach Phádraig’, ‘Geinealach na Naomh nÉireannach’. Baile Átha Cliath 1713. Do *Thadhg Ó Neachtain*.

**ARÉ 23D13 (151).** Filíocht stairiúil le Domhnall mac Dáire, Domhnall Mac Carrthaigh, Mathghamhain Ó hUiginn, [Seán] Ó Dubhagáin, Fionntan, srl.,

<sup>1816</sup> Tugtar nóta air in Fenning (2005: 26).

<sup>1817</sup> Fágaim as an áireamh dhá lámhscríbhinn a leagtar ar Sheon Mhac Solaidh go minic—(1) ARÉ B.i.2a(10) (1079), óir creidim gur scríobh Tadhg Ó Neachtain í; agus (2) níl MN C68 (*b*) ina láimh, dar liom; féach an *R.I.A. Cat.*, 3021, agus an *M.N. Cat.*, v, 116.

Is coitianta an fhoirm ‘Seon Mhac Solaidh’, foirm a nglacaim léi, sna lámhscríbhinní, cé gur fearr le scríbhneoirí ár linne féin ‘Seon Mac Solaidh’. Bheadh tuairim agam ar fhaisnéis na lámhscríbhinní go ndeireadh Seon ‘Seon Mhac Solaidh’, agus rachadh sin go maith lena bhfuil ar eolas againn faoi shloinnte Cho. na Mí ó lámhscríbhinní eile, agus ón mbeagán den teanga labhartha a cuireadh ar pháipéar dhá chéad bliain i ndiaidh do Sheon a bheith ar an saol seo. Déantar plé gearr ar an nós sin an eilimint *Mac* a shéimhiú i *Mac*-shloinnte tar éis ainm baiste in Aguisín 4. Féach ARÉ 23A40 (150), lch 330; LN G197, lch 289.

<sup>1818</sup> ARÉ 24A2 (757). Féach fosta a shíniú in LN G195, lch 147, ‘Finit per me Joanem Solaidh’.

<sup>1819</sup> Lgh 39-330.

dánta cráifeacha le hAonghus na Diadhachta Ó Dálaigh, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Bonabhentura Ó hEodhasa, Tadhg Ó Cobhthaigh, dánta le Séamus Mac Cuarta, ‘Tuireamh na hÉireann’. [? 1713].<sup>1820</sup>

**ARÉ 23K37 (152).** Formhór di.<sup>1821</sup> ‘Cath Cumair’, ‘Cath Maighe Léana’, ‘Cath Maighe Mucraimhe’, ‘Cath Críonna’, ‘Cathughadh Cheallacháin Chaisil re Lochlannaibh’, ‘Cath Chluana Tairbh’, ‘Foghlaim Chon gCulainn’, ‘Cath Leitreach Ruighe’, ‘Cogadh Fhearghusa agus Chonchubhair’, ‘Cath Rois na Ríogh’, ‘Comhrac Fhirdhia agus Chon gCulainn’, ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’, ‘Deargruathar Chonail Chearnaigh’, giotáí d’annála, srl. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1714-18.<sup>1822</sup>

**ARÉ 23M17 (153).**\*<sup>1823</sup> } Sleachta as ‘Leabhar na gCeart’, dánfhocail,  
**ARÉ 23M18 (154).**<sup>1824</sup> } ginealaigh, dánta stairiúla le Giolla

Chaoimhghin Ó Cuirnín, Giolla Modhubhda Ó Caiside, [Seán] Ó Dubhagáin, Tuileagna Ó Maoil Chonaire, Dubhthach Mac Duibhgeannáin, Maoilín Mac Bruaideadha, Donnchadh Ó Maoil Chonaire, ‘Mac Liaig’, Cúán Ua Lothcháin, Cormac mac Cuileannáin, Beacc mac Dé, Colum Cille, ‘Bladh d’Iris Gearaltach’, liodán, liostaí ríthe, ‘Marbhnaoi Bhriain Bhoróimhe’, ‘Tuireamh na hÉireann’, [‘Saoghal Íosa’], seanráite Fhithil. 1718, 172<sup>2</sup>/<sub>3</sub>.

<sup>1820</sup> Féach nóta 1856 thíos.

<sup>1821</sup> Tá lgh 1-4, 49-50, 63-6, 77-80, 161-4, 237-8, 311-12, i láimh Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh (féach nótaí 1892, 2350 thíos), agus an chuid eile i láimh Sheoin Mhic Sholaidh. Is trí lámhscríbhinn ó cheart í ARÉ 23K37 (152); féach nóta 1822.

<sup>1822</sup> Trí leabhar bheaga a ceanglaíodh le chéile, agus a chaith seal fada i gCo. na Mí tar éis bhás an scríobhaí. Tugtar na dátaí seo a leanas ar na codanna, cuid (a), lgh 1-32, an 22 Samhain 1717 (lch 32); cuid (b), lgh 33-244, an 9 Samhain 1714 (lch 70), an 24 Feabhra 17<sup>15</sup>/<sub>16</sub> (lch 172), an 7 Aibreán 1716 (lch 219), an 12 Aibreán 1716 (lch 243); cuid (c), lgh 245-318, mí na Samhna 1718 (lch 245).

<sup>1823</sup> Níl dáta leis an gcuid seo, ach is deimhin gur scríobhadh í i ndiaidh 1714, toisc go bhfuil nótaí dar dáta sin sna ginealaigh—1708 le lch 147; 1713 le lgh 57 col. b, 146; agus 1714 le lgh 49 col. a, 140 col. a—nótaí atá breactha gan ord tríothu, sa dóigh nach dóigh gurb iad seo na dátaí scríofa. Bheinn ag ceapadh gur scríobh Seon an chéad chuid ag an am céanna leis an dara cuid—ARÉ 23M18 (154), a bhfuil colafon dar dáta 1718 léi ar lch 387, agus giotáí [? breise] dar dáta 172<sup>2</sup>/<sub>3</sub> ar lgh 377, 409, ach níorbh eisean a scríobh ceann de na colafoin ina luaitear an dáta sin.

<sup>1824</sup> Ní léir cá huair a rinneadh dhá chuid den lámhscríbhinn seo, *R.I.A. Cat.*, 438; féach nóta 1823 thuas.

- ARÉ 23D6 (155).** } Formhór díobh. ‘Iomarbhágh na bhFileadh’,  
**ARÉ 23D5 (156).**<sup>1825</sup> } agus dánta stairiúla le Seán Ó Dubhagáin,  
 Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Conaing Ó Maoil Chonaire, Maoilín Ó  
 Bruaidealha, Tadhg Dall Ó hUiginn, Dubhthach Ó Duibhgeannáin, Lughair,  
 Donnchadh Ó Maoil Chonaire, Tadhg mac Dáire [Mhic Bhruaidealha].  
 Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1715. Do *Ristead Tuibear*.
- ARÉ 23M4 (332).** Blogh di. Litir. 1718. Chuig *Ristead Tuibear*.
- ARÉ 23E26 (756).** Cuid di. ‘Leabhar Gabhála’ (cuid de, leagan Uí  
 Chléirigh), dánta le Giolla Chaoimhghin [Ó Cuirnín], Flann Mainistreach,  
 Eochaidh Ó Floinn, Mac Liaig, Cobhthach Ó Carmuinn, Giolla na Naomh Ó  
 Duinn, ‘Leabhar Oiris’, ginealaigh. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí.  
 [? c.1719].<sup>1826</sup> Do *Ristead Tuibear*.
- ARÉ 24A2 (757).** ‘Leabhar na nAos’, ‘An Leabhar Muimhneach’, ‘An  
 Leabhar Ultach’, ‘An Leabhar Laighneach agus Connachtach’, ginealaigh,  
 ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh), ‘Leabhar Oiris’, cuid de ‘Leabhar  
 na gCeart’, dánta le Flann Mainistreach, Eochaidh Ó Floinn, Mac Liaig,  
 Cobhthach Ó Carmuinn. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1718.

<sup>1825</sup> Chláraig Edward O’Reilly an dá lámhscríbhinn seo faoi aon uimhir amháin .i. uimhir 103, sa chatalóg a scríobh sé sa bhliain 1825, ARÉ 23H1 (1287).

<sup>1826</sup> Thosaigh Ristead Tuibear ar an gcéad chuid de ARÉ 23E26 (756) a ghráfadh ar an 18 Samhain 1716, mar a deir sé linn sa cheannscríbhinn ar lch 1a, agus chuir sé deireadh léi an 7 Eanáir 1717 (lch 1a). Mar a thug Kathleen Mulchrone faoi deara, *R.I.A. Cat.*, 2328, ní thagraíonn sé sin ach do chuid den lámhscríbhinn, agus tá dátaí sna blianta 1719 (an 5 Iúil 1719, lch 290) agus 1726 (lgh 323, 361) in áiteacha eile. Chuidigh Seon Mhac Solaidh leis, agus níl dátaí lena chuid den obair, ach ó tharla go raibh an bheirt acu ag cuidiú lena chéile le lgh 139-215 a scríobh, is féidir a chuid oibre a dhátú don tréimhse c.1719. Féach go scríobhann Seon a bhfuil ar lgh 259-87, go líonann Ristead lgh 287-90 isteach le ceartúcháin ar obair Sheoin agus dán eile, agus dáta sa bhliain 1719 (an 5 Iúil 1719) aige ag deireadh a ghiota; tosaíonn Seon a scríobh arís ar lch 291. Is dóigh, mar sin, go ndearna Seon cuid den scríobh thart faoin am sin. Maidir leis an dáta 1726 a luann Ristead faoi dhó sa lámhscríbhinn, ní raibh lámh ag Seon sna codanna sin ina dtugtar é. Baineadh an t-ábhar atá sa chuid deiridh seo as *Leabhar Bhaile an Mhóta*; don cheangal a bhí ag Ristead leis an lámhscríbhinn sin, féach an cuntas air i gCaib. 2.231.

**ARÉ 23G8 (785).**\* Blogh di. Dánta as ‘Iomarbhágh na bhFileadh’.

[? 1711].<sup>1827</sup> Do *Thadhg Ó Neachtain*.

**ARÉ 23C34 (954).**\* ‘Foras Feasa air Éirinn’. 1715.

**ARÉ 24C55 (1185).**<sup>1828</sup> ‘Fís Mherlino’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1713. Do *Dhomhnall Ó Maoil Ridhéin*.<sup>1829</sup>

**COC M21 (21).** Formhór di. ‘Beatha Chríost’, ‘Trácht Phréimhe ár gCreidimh’, ‘Trácht ar Laoi an Bhreitheamhnais agus ar na Comhartha[í] a Thiocfas Roimhe’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí.<sup>1830</sup> Do *Dhomhnall Ó Maoil Ridhéin*.

**COFLA MF5.** ‘Beatha Chríost’, ‘Trácht Phréimhe ár gCreidimh’, ‘Trácht ar Laoi an Bhreitheamhnais agus ar na Comhartha[í] a Thiocfas Roimhe’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1720. Do *Shéamus Belle*.<sup>1831</sup>

**CPD 2.**† Formhór di.<sup>1832</sup> ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’.

<sup>1827</sup> Scríobh Tadhg Ó Neachtain formhór na lámhscríbhíne sa bhliain 1711. Níl dáta lenar chuir Seon léi, ná ní fios cé dó a ndearna sé an scríobh, cé gur dócha go ndearna sé sin do Thadhg Ó Neachtain c.1711; tá léasaí agus admhálacha cíosa ina luaitear Tadhg dar dáta 1709-1719 istigh léi.

<sup>1828</sup> Is ionann ARÉ 24C55 (1185) agus lámhscríbhinn A in eagrán R. A. S. Macalister (1903) de ‘Fís Mherlino’, ní a deir sé a bheith ina sheilbh an uair sin. Téann sin lena bhfuil san *R.I.A. Cat.*, 3180, is é sin, gurbh í mír 23 í i gnuasach Macalister. Ba dhearmad dó 1718 a thabhairt mar dháta scríofa na lámhscríbhíne seo; tugtar an dáta seo i mbreacadáil Laidine le Thaddeus Sullivane ar lch 442, ach gheofar an bhliain 1713 i gcolafoin an scríobhaí ar lgh 444, 467. Scríobh Seon lgh 442, 444-67, 469; tá ábhar déanach ar lch 443, agus féach nóta 116 i dtaobh lch 468.

<sup>1829</sup> Scoláire cumasach a bhí ann, is dóigh, tharla go dtugann Seon Mhac Solaidh ‘Ardollamh Eireann do réir *mar thaisbeanas* sé faoi laimh gach aoín *inna leabhair* eile atá aige ...’ air in COC M21 (21), lch 152, agus tá nóta gearr air in Ó Gallchóir (1971: 94-5), áit a bhfuil an dán sin curtha in eagar. Ghráf Seon an lámhscríbhinn sin dó, agus ARÉ 24C55 (1185) sa bhliain 1713. Connachtach a bhí ann, b’fhéidir, más fíor gur mórtas cine atá i gceist sa rann atá in ARÉ 23D13 (151) agus in MN C14—lámhscríbhinn a grafadh sa bhliain 1713 do shagart ó Cho. Liatroma—‘Breitheamhnas Dhomhnuill Ui Maoil Ridhéin [———] idir Choigeadhaibh na hÉireann’, MN C14, lch 259, rann a mholann ‘gnáthchómhnaidhe’ i gCúige Chonnacht, agus ‘tadhall an Tuaisceirt’. Cheap Séamus Mac Cuarta dán air fosta, *Ó thugais ó údaraibh Inse Fáil*, atá in eagar in Ó Gallchóir (1971: 73). Léiríonn an dán seo go raibh aithne ag Domhnall ar fhíle de chuid Cho. na Mí, Brian Ó Ceallaigh, an té a chum dán eile air, *Geall Gaodhail ar ghaisgidh ghloinn*. Rinne Séamus Mhag Uidhir—arb ionann é, is dóigh, agus Séamus Bacach Mhag Uidhir, an scríobhaí cumasach sin de chuid Cho. an Chabháin—umhlú roimhe fosta ina dhán, *Ó fógradh gach eolaicme os Éirinn áin*, thart faoin am céanna. Tá na trí dhán seo i ndiaidh a chéile in LN G127, lámhscríbhinn a ghráf Risteard Tuibear idir na blianta 1713 agus 1715, agus chuir Ó Tuathail (1950) i gcló iad.

<sup>1830</sup> Tuairimíonn Ó Conchúir (1991: 50) gurb ionann an lámhscríbhinn seo agus an ceann a chuir Seán Ó Dálaigh ar díol sa bhliain 1842 (féach Ó Casaide (1941: 44))—ní a chiallóidh go raibh an dáta 1720 inléite uirthi an uair sin. Is í COFLA MF5 atá i gceist anseo, is dócha, agus thig linn glacadh leis nach féidir dáta a leagan ar COC M21 (21).

<sup>1831</sup> Níl eolas ar bith ar fáil faoi Séamus Belle.

**LB Eg. 106.** Cuid di. ‘Cath Chluana Tairbh’, ‘Marbhna Bhriain Bhoróimhe’.

Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 17<sup>15</sup>/<sub>16</sub>.<sup>1833</sup> Do *Risteard Tuibear*.

**LB Eg. 148.** Cuid di. ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh (cuid 1)’.<sup>1834</sup>

**LB Eg. 191.** Formhór di. ‘An Scáthán Spioradálta’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1724.

**LN G54.** ‘Foras Feasa air Éirinn’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1713.

**LN G57.** Formhór di.<sup>1835</sup> ‘Lóchrann na gCreidmheach’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1714.

**LN G60.\*** Blogh di. Giota de thráchtas gramadaí.

**LN G65.** Formhór di.<sup>1836</sup> ‘An Scáthán Spioradálta’. 1724. Do *Risteard Tuibear*.<sup>1837</sup>

---

<sup>1832</sup> Féach nóta 3100.

<sup>1833</sup> Tugtar an dáta sin i nóta Flower sa *B.M. Cat.*, ii, 330. Féach nóta 1867 thíos.

<sup>1834</sup> Bhí drochbhail ar an dara cuid den ‘Stair’ nuair a fuair Edward O’Reilly seilbh uirthi, agus ghráf sé cóip úr den chuid sin leis an easnamh a líonadh (cuid 1, f. 1, agus cuid 2 uilig), de réir nóta a scríobh Séamus Ó hArdagáin (a bhfuil cóip de sa *B.M. Cat.*, ii, 372). Ag brath ar chatalóg cheant Edward O’Reilly (1830) a bhí sé, is dóigh, an ceant ag ar cheannaigh sé í. Ní gá gur fíor go raibh cuid 2 i mbunchóip Sheoin, ó tharla gur thaispeáin Robin Flower gur scríobhadh an dara cuid den scéal seo seal éigin tar éis na chéad choda, toisc go bhfuil cóipeanna den téacs ar fáil nach bhfuil iontu ach an chéad chuid léi féin. Féach, mar shampla, na cóipeanna a scríobh Seon Mac Ciar (LNA 72.2.5) in 1738, agus Labhrás Mhac Con Allaidh (LB Add. 34119) sa bhliain 1765.

<sup>1835</sup> An t-iomlán ach—(1) a bhfuil in dhá láimh éagsúla ar lgh i-ii; (2) na ceartúcháin i láimh Thaidhg Uí Neachtain tríthi; sin agus (3) na rann a chuir Tadhg le lgh 456-8, *N.L.I. Cat.*, ii, 78. Taispeánann sé seo go raibh LN G57 i mBaile Átha Cliath faoi c.1752, an dáta is déanaí is féidir a cheangal le saothar ar bith de chuid Thaidhg Uí Neachtain. Is féidir gur do Thadhg a grafadh LN G57 sa chéad áit. Ba le Edward O’Reilly an lámhscríbhinn sa 19ú hAois.

<sup>1836</sup> Ghráf Seon Mhac Solaidh formhór LN G65 ach tá (1) lgh 1-2, 425.23-427 i bpeannaireacht Risteard Tuibear; agus (2) lgh 409-411 (ón sliocht Laidine ar lch 409.2 amach) scríofa ag scríobhaí anaithnid ar cosúil a chuid peannaireachta go mór le stíl Sheoin. Is dóigh gur bhain an duine seo leis an dúiche thart faoi Bhaile Hardaman. An rann a thugtar ar lch 429, scríobh léitheoir éigin é ina dhiaidh sin.

Is ábhar spéise gur chuir Risteard leathanaigh ag tús agus ag deireadh na lámhscríbhinne, agus ní hé gur dheisigh sé í am éigin tar éis a scríofa, óir tagann cuid Sheoin den obair chun críche i lár líne (lch 409.23), agus tosaíonn Risteard a ghráfadh san áit chéanna, ionann is gur chuir Seon an lámhscríbhinn chuige gan í a bheith foirfe aige.

<sup>1837</sup> Féach nóta Risteard Tuibear taobh istigh den chlúdach tosaigh de LN G65,

Leabhair Riosdard Tuibear do sgríobh Seóin Mac Solaidh dhó iar son leabhair eile do sgríobh an sealbhadóir an leabhairsi dhó .i. R. T.

Tugtar an nóta sin fosta san *N.L.I. Cat.*, ii, 97, agus ag deireadh an chuntais seo thuas. Ba í seo mír 40 i gceant leabhar O’Reilly; féach an tagairt a dhéanann Robin Flower don chóip seo—Phillipps 10292 a bhí uirthi an uair sin—sa *B.M. Cat.*, ii, 594; agus féach fosta an *N.L.I. Cat.*, ii, 97.

LN G124.\* ‘Agallamh na Seanórach’. [? Do *Risteard Tuibear*].<sup>1838</sup>

LN G125.\* Formhór di. Laoithe de chuid ‘Agallamh na Seanórach’. [? Do *Risteard Tuibear*].<sup>1839</sup>

LN G126.\* ‘Agallamh na Seanórach’. [? Do *Risteard Tuibear*].<sup>1840</sup>

LN G195. ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1715.

LN G197. Formhór di. ‘An Gleacaidhe Géaglonnach’ le Seán Ó Neachtain. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1716. [? Do *Thadhg Ó Neachtain*].

LN G229. ‘An Eagna Fhíor’, ‘Seanmóir Aoine an Chéasta’, teagasc Críostaí, urnaithe.

LN G447.<sup>†1841</sup> Blogh di. Blogh de ‘Oidhe Chloinne Tuireann’.

ML 7. Formhór di.<sup>1842</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’. Baile Hardaman, Stigh Colláin, An Mhí 1713.

Más fíor go bhfuil iomrá ar Sheon Mhac Solaidh mar scríobhaí cumasach Gaeilge, agus go ndearna Walsh (1933) iarracht cúpla giota eolais a sholáthar faoi, mar aon le Harrison (1988: 33, 40-1, 47, 74), agus Dillon (2013a: 115-18), is í Ní Mhunghaile (2016) an chéad duine a chuir roimpi beathaisnéis iomlán, chomh hiomlán agus is féidir, cibé rud é, a scríobh air. Cuireadh ar fáil mar chuid den bheathaisnéis sin

---

<sup>1838</sup> Ba chuid de chnuasach Monck Mason iad LN G124, LN G125, agus LN G126 lá den saol, míreanna 568, 570, agus 569 i gcatalóg cheant Monck Mason. Ó tharla go bhfuil ceartúchán in LN G125, ar lch 29, atá, is dóigh, i bpeannaireacht Risteaird Tuibear, *N.L.I. Cat.*, iv, 30, is féidir gur scríobhadh iad do Risteard. Tabhair faoi deara go bhfuil cnuasach laoithe atá iontach cosúil le hábhar na lámhscríbhinní seo in ARÉ 23L34(2) (1007), lámhscríbhinn le Tadhg Ó Neachtain.

<sup>1839</sup> Féach nóta 1838 thuas.

<sup>1840</sup> Féach nóta 1838 thuas.

<sup>1841</sup> Lgh 1-4, ach níl aon scríbhneoireacht ach beagán ar lgh 3-4. Leagadh iad ar Risteard Tuibear san *N.L.I. Cat.*, x, 23-4, ach is dóigh liom gur scríobh Seon Mhac Solaidh iad.

<sup>1842</sup> Dheisigh Donnchadh Ó Floinn an lámhscríbhinn sa bhliain 1821, ach tá an-chuid den téacs ar iarraidh. Is i bpeannaireacht Dhonnchaidh atá lch i, an leathanach teidil, agus tosaíonn saothar Sheoin go haiceifileach ar an leathanach a d’áirigh sé féin mar uimhir 65. Maidir le Donnchadh Ó Floinn, féach Ó Conchúir (1982: 67-79); déantar tagairt do ML 7 ar lch 71.



liosta de na lámhscríbhinní atá againn ó lámh Sheoin, agus iad leagtha amach de réir na bliana ar scríobhadh iad. Mar gheall ar a chuimsithí atá an bheathaisnéis sin, is beag a bhí le cur léi agam, sa dóigh go bhfuil an méid seo a leanas go mór faoina tionchar.<sup>1843</sup>

Ba í Ní Mhunghaile (2016: 85) a sholáthair dúinn an chéad tagairt atá againn do Sheon Mhac Solaidh a bheith ag plé le hábhar Gaeilge—nóta beag léitheora a chuir sé lena chóip phearsanta de *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* (1618), áit ar scríobh sé,<sup>1844</sup> ‘Seon Mac Solaimh sealbhadoir firinneach an leabhrainso an bliadhain daois ar ttigearna Iosa Críost 1711’ (Ní Mhunghaile 2016: 85). Ba sa bhliain chéanna, is dócha, a scríobh sé cúpla duilleog i lámhscríbhinn de chuid Thaidhg Uí Neachtain mar ghar dó, ball lárnach na scoile úd lena raibh baint ag Seon don chuid eile dá shaol. Ní féidir a bheith cinnte faoi dháta na lámhscríbhinne sin, ARÉ 23G8 (785), áfach.<sup>1845</sup> Tuairim is an bhliain 1727,<sup>1846</sup> chóipeáil Tadhg Ó Neachtain isteach i lámhscríbhinn dá chuid an dán clúiteach sin ina dtráchtar ar a ‘raibh [lena] ré i nDuibhlinn’ de scothadh na Gaeilge—mar a thugann sé orthu—liosta dá lán de na scoláirí ba mhó a bhí ag cóipeáil leo ann, nó a bhíodh i dteagmháil le Tadhg agus baill eile dá ghrúpa scríobhaithe. Siúd iad briathra Thaidhg ina thaobh,

An Solamh sochmadh, Seaán na searc,  
a Thoigh Calláin thaoibhe Teamhrach,

---

<sup>1843</sup> Bhí dréacht den bheathaisnéis ullmhaithe agam nuair a chonaic mé Ní Mhunghaile (2016), ach fós féin, rinne mé cúpla leasú ar a raibh scríofa agam ar lorg an ailt sin.

<sup>1844</sup> Tá an leabhar seo i Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, agus an uimhir sheilfe RB177 air (Ní Mhunghaile 2016: 85 n.46). Ba é Walsh (1933: 198), mar a luaigh Ní Mhunghaile, an chéad duine a scríobh go raibh ainm Sheoin ar an gcóip chlóite sin de *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* atá i Leabharlann an Ruiséalaigh, ach níor thug sé sonraí cruinne uirthi.

<sup>1845</sup> ARÉ 23G8 (785). Féach nóta 1827 thuas i dtaobh an dáta.

<sup>1846</sup> Ní haon gheallúint é sin go raibh Seon ag obair i gcomhpháirt leo nó ina bheatha an uair sin; déantar trácht sa dán ar Uilliam Ó Loingsigh (*fl.* 1686-1706), a d’imigh ó thuairisc chomh fada siar leis an mbliain 1706. Tugtar eolas ar Uilliam i gCaib. 1.4.6.1 thuas, agus i nóta 3713. Maidir le dáta an dáin seo, atá in eagar in O’Rahilly (1913*a*) agus in Harrison (1988: 135-7), féach nóta 114.

cuim is sciath is tearmon dil  
fhritil ársaidh mhacaibh Míleadh.<sup>1847</sup>

Áirítear ‘Seon mac Emuind *mhic Donnchaidh mhic Muiris Mhic Sholaidh*’<sup>1848</sup> ar na scríobhaithe ba thábhachtaí agus ba bhisiúla den 18ú hAois. De bhreis ar an taighde stairiúil a rinne seisean agus a chomhghleacaí, Risteard Tuibear, ba iadsan an bheirt scríobhaithe a ghráf na cóipeanna is luaithe dá bhfuil againn de dhánta Shéamuis Mhic Cuarta,<sup>1849</sup> más í an taisce mhaith cóipeanna de sheantéacsanna agus de ghinealaigh a scríobh sé ina lámh gharbh sholéite is mó a thuill a chlú do Sheon. Bhí ardmheas ag Edward O’Reilly air: ‘His copies are esteemed of great value by every person acquainted with Irish manuscripts’, *N.L.I. Cat.*, ii, 73, agus tá eagarthóirí éagsúla tar éis lánúsáid a bhaint as a chuid scríbhinní.<sup>1850</sup>

An chéad lámhscríbhinn thoirtiúil atá againn uaidh, LN G54, cuireadh tús léi an 19 Eanáir 1713;<sup>1851</sup> chríochnaigh Seon an dara leabhar den aon saothar amháin atá inti, ‘Foras Feasa air Éirinn’, ar an 15 Aibreán 1713.<sup>1852</sup> Thart faoin am sin, bhí Risteard Tuibear, an scoláire a ndearna Seon cuid mhaith oibre i gcomhpháirt leis sna blianta a lean sin, ag gabháil do LN G127 a chur le chéile, ceann de na lámhscríbhinní is mó fiúntas dár scríobh sé. Cé go léiríonn na codanna tosaigh de LN G127—an tráchtas gramadaí a bhí á scríobh ag Risteard Tuibear i mí Eanáir 1713, agus ‘Beatha San

<sup>1847</sup> O’Rahilly (1913*a*: 159); Harrison (1988: 136).

<sup>1848</sup> ARÉ 23K37 (*b*) (152), lch 219.

<sup>1849</sup> ARÉ 23D13 (151). Gheofar trácht ar na téacsanna seo in Dillon (2013*a*).

<sup>1850</sup> Féach, mar shampla, eagrán R. I. Best den *Leabhar Oiris* (1904), agus an t-eagrán den *Leabhar Muimhneach* a d’ullmhaigh Torna (Ó Donnchadha 1940) don chló. Luaigh Ó Baoill (2007: 84) an méid a scríobh Colm Ó Lochlainn i dtaobh an scríobhaí seo agus Risteard Tuibear, gur ‘industrious but incompetent compilers’ a bhí iontu, rud nach dtugann a gceart don bheirt acu ar chor ar bith. Ní féidir a shéanadh go bhfuil roinnt earráidí ó thaobh ortagrafaíochta agus cruinnis ina gcuid scríbhinní, ach d’fhéadfaí an locht seo a fháil ar gach scríobhaí Gaeilge sa tréimhse sin. Scríobh Ó Lochlainn in áit eile: ‘their fund of general knowledge was not at all to be compared with that of the trained chroniclers who knew so well how to fit together all the fact and fiction of the accepted doctrine or *Senchus Coitcheann*’ (Walsh 1942: 140 *n.3*).

<sup>1851</sup> LN G54, lch 1.

<sup>1852</sup> LN G54, lch 584.

Agatha' le Seán Ó Neachtain ar cuireadh tús léi an bhliain dár gcionn—tionchar scoil Thaidhg Uí Neachtain ó thaobh rogha ábhair de, is féidir go bhfuair Risteard cuid den ábhar eile atá inti go díreach ó Sheon Mhac Solaidh, na dánta ó Cho. na Mí atá inti ach go háirithe.<sup>1853</sup> Ghraf Seon cóip de 'Fís Mherlino' don scoláire Connachtach (?) Domhnall Ó Maoil Ridhéin (*fl.*1713) idir an 9 Deireadh Fómhair 1713 agus an 14 Deireadh Fómhair 1713,<sup>1854</sup> agus is spéisiúil go bhfuil sa lámhscríbhinn a raibh Risteard ag gabháil dá scríobh ag an am céanna, LN G127, cóipeanna de thrí dhán mholta a cumadh ar an scoláire seo.<sup>1855</sup> Mheas Eoghan Ó Comhraí gur scríobh Seon Mhac Solaidh ARÉ 23D13 (151) sa bhliain chéanna, 1713, ar údarás aduain,<sup>1856</sup> agus tá sa lámhscríbhinn seo, agus LN G127, cuid de na cóipeanna is sine atá againn de dhánta le Séamus Mac Cuarta (*ob.*1733). Tá dánta le Séamus Mac Cuarta i lámhscríbhinn eile a ghráf Risteard agus a chuir sé i gcrích, is

<sup>1853</sup> Grafadh an phrosóid (Graiméar Uí Maoil Chonaire agus *Rudimenta Grammaticae Hiberniae*) idir an 14 Eanáir 1713 agus an 27 Eanáir 1713, agus síolraíonn sí as an bhfoinse chéanna ar dhóigh amháin nó eile agus OÉG H37, de réir an ábhair atá inti, *N.L.I. Cat.*, iv, 35-6. Scríobhadh codanna eile den lámhscríbhinn sna blianta 1714 agus 1715, leagan Sheáin Uí Neachtain de 'Beatha San Agatha' (a scríobhadh in 1714) agus eile.

Na dánta a bhaineann le Co. na Mí, is iad na cinn is mó spéis, is dóigh, an cnuasach beag dánta a chum Séamus Mac Cuarta, a rugadh i gCo. Lú nó i gCo. na Mí (i gCo. na Mí, is dóigh liom), agus na dánta a ceapadh ar Dhomhnall Ó Maoil Ridhéin, ar scríobh Séamus Mac Cuarta ceann acu. Is féidir go bhfuair Risteard iad ó Sheon, ós rud é nach feasach dúinn go raibh aithne ag Domhnall ar bhaill eile de ghrúpa Thaidhg Uí Neachtain seachas Seon Mhac Solaidh. Ghraf Seon lámhscríbhinní dó (féach nóta 1829), agus dála na ndánta le Séamus Mac Cuarta atá in LN G127, b'fhiú cuimhneamh air gur fhág Seon againn cnuasach beag dánta de chuid Shéamus Mhic Cuarta in ARÉ 23D13 (151). Shíl Eoghan Ó Comhraí, ar ábhar éigin, gur grafadh an lámhscríbhinn sin sa bhliain 1713. Mínítear seo i nóta 1856 thíos. Rinneadh plé mionsonraithe ar na dánta le Séamus Mac Cuarta atá in LN G127 (agus an ceangal atá acu le ARÉ 23D13 (151)) in Dillon (2013a).

<sup>1854</sup> ARÉ 24C55 (1185), lgh 444, 467. Tá an chéad dáta sa teideal, 'A nAinm Dé. Amen. *October* 1713, an naomhadh la', lch 444; agus tá an dara dáta sa cholafon ag an deireadh, '*Arna sgríobhadh le Seón Mac Solaidh ... an 14 la do mí October ... 1713*', lch 467.

<sup>1855</sup> Déantar plé ar LN G127 sa chuntas ar Risteard Tuibear i gCaib. 2.231 thíos; déantar tagairtí do na dánta sin i nóta 1829 thuas.

<sup>1856</sup> Ní féidir a bheith cinnte faoin dáta, mar a deir Mulchrone: 'O Curry (Acad. Cat., p. 165) gives 1713 as the date of writing, but there is no date on the MS.', *R.I.A. Cat.*, 429. Cuireadh tús le catalóg ghinearálta Uí Chomhraí de lámhscríbhinní an Acadaimh sa bhliain 1842 (FitzPatrick 1988: 6). Ní lígeann an pheannaireacht dúinn mórán a dhéanamh amach faoi aois na lámhscríbhinne, ach nach ceann de na lámhscríbhinní is déanaí dá chuid í—ar nós LB Eg. 191 (a scríobhadh in 1724), mar shampla, áit a bhfuil an pheannaireacht garbh agus cuma na deifre uirthi. Tá an ortagrafaíocht in ARÉ 23D13 (151) an-chruinn den chuid is mó. Ina dhiaidh sin is uile, is féidir gur scríobhadh í am ar bith idir c.1711 agus c.1720.

dóigh, sa bhliain chéanna.<sup>1857</sup> Ós rud é go raibh cóipeanna de na dánta seo á scríobh ag scríobhaithe eile sa chomharsanacht ina raibh cónaí ar Sheon chomh fada siar leis an gcéad cheathrú den 18ú hAois,<sup>1858</sup> níl aon chosc air go raibh Risteard ag tarraingt ar lámhscríbhinní a chuir Seon chuige. Má tá aon phioc den fhírinne sna tuairimí seo, is dóigh go raibh tús curtha ag Seon agus Risteard leis an gcaidreamh eatarthu ar thoradh air cúpla míle leathanach d’ábhar Gaeilge idir shean agus nua, cuid de nach mbeadh againn murach iad.

Bhí Seon ag gabháil de chóip eile de ‘Foras Feasa air Éirinn’ a réiteach i lár na bliana 1713, sa dóigh gur chuir sé an chéad leabhar i gcrích an 16 Iúil 1713, agus an dara cuid sa bhliain chéanna.<sup>1859</sup> An lámhscríbhinn deiridh dar dáta 1713, ARÉ 23A40 (150), scoir Seon dá scríobh ar an 4 Samhain 1713 do Thadhg Ó Neachtain. Dhealródh sé gurb é seo an chéad phíosá soiléir faisnéise atá againn—an chéad phointe ar an amlíne, mar atá—go raibh Seon ag plé le scoil Thaidhg Uí Neachtain, cé gur féidir, mar a chonacthas thuas, go raibh sé ag saothrú leo (nó dóibh) ar feadh tuairim agus dhá bhliain faoin am sin. Is doiligh a rá an raibh Seon i mBaile Átha Cliath an uair sin toisc a dhoiléire atá an colafon ina ndéanann sé tagairt do Thadhg,

Arna sgríobhadh le Seon Mhac Solaidh da chairaid ionmhoin, Tad[h]g O Neachtainn a ccat[h]raigh Atha Cliath an 4<sup>mh</sup> la do mhí *November* an b[h]liadhain d’Aois an Tighearna 1713; agus gach duine da leighfidh an beagsaothar so, no aon chuid de, tugadh beannacht ar anmoin an sgríbhneora, agus na dearmodadh an seálbhadóir. Bhar mbochtchara ionmhoin ut supra.<sup>1860</sup>

---

<sup>1857</sup> LN G982. Féach an cuntas ar Risteard Tuibear i gCaib. 2.231 thíos, áit a ndéantar plé ar a chuid lámhscríbhinní.

<sup>1858</sup> Féach an plé a dhéantar ar Henrí Mhac Muircheartaigh i gCaib. 2.89.

<sup>1859</sup> ML 7. Cheannaigh Donnchadh Ó Floinn, cara leis an Oll. Pól Ó Briain, í. Tá an 16 Iúil 1713 (lch 280) mar dháta ag deireadh an chéad leabhair, agus 1713 (gan dáta cruinn) ar lch 469. Tá lgh 1-64 ar seachrán, agus tá leathanach teidil curtha ina n-áit ag Donnchadh Ó Floinn.

<sup>1860</sup> ARÉ 23A40 (150), lch 330.

Má léiríonn an nóta seo go raibh Seon ag scríobh i dteach Thaidhg Uí Neachtain i mBaile Átha Cliath an 4 Samhain 1713, agus ní bheinn suite de go léiríonn, is follas gur cuireadh an chuid is mó dá lámhscríbhinní le chéile i mBaile Hardaman, Stigh Colláin, in oirthear Cho. na Mí, agus go raibh baint láidir aige leis na scríobhaithe áitiúla.<sup>1861</sup> Tá a chuid peannaireachta an-chosúil le lámh Mhíchíl Uí Airt (*q.v.*), scríobhaí eile ó Cho. na Mí, sa dóigh gur féidir, fiú, gur scríobh Mícheál Ó hAirt cuid de na lámhscríbhinní neamhshínithe a leagadh ar Sheon Mhac Solaidh thuas.<sup>1862</sup> Duine eile ar cosúil go mór a chuid peannaireachta le stíl Sheoin Mhic Sholaidh is ea Pádraig Ó Raghallaigh [1] (*fl.*1722-35) ó Stigh Colláin, agus ní fada uathu siúd stíl Henrí Mhic Mhuirheartaigh (*fl.*1723-<sup>4</sup>/<sub>5</sub>) ón gCillín i mbarúntacht na Scríne.

Mar a scríobh Ní Mhunghaile (2016: 80), is beag leid cheart atá againn gur thaitigh Seon an ardhathair ar bhonn seasmhach riamh, taobh amuigh den cholafon doiléir a luadh thuas; nó má thaitigh, dealraíonn sé go dtaistealaíodh sé ann ar feadh tréimhsí gearra. Is dóigh, ina ainneoin sin, gur thug sé turas nó dhó suas go dtí lucht Gaeilge na hardchathrach. Is é an mheabhair a bhainfí as cuid de na colafoin i lámhscríbhinní Sheoin go raibh aithne mhaith aige orthu, agus is féidir gur ponc amháin ar son na hargóna go dtéadh sé ann ó am go chéile, an méid malartuithe idir lámha Sheoin agus Risteard atá le sonrú in ARÉ 23E26 (756). Ina ainneoin sin, is mó leideanna atá againn go gcuireadh Seon agus Risteard ábhar chuig a chéile trí theachtairí, mar a fheicfear ar ball. Áiríonn Harrison (1988: 47, 74) Seon Mhac Solaidh, agus Risteard Tuibear, i measc na scríobhaithe úd de chuid scoil Thaidhg Uí Neachtain a chuir spéis láidir in ábhar staire, sa dóigh gur fhág siad againn cóipeanna de *Leabhar Gearr na Pailíse*, agus ginealaigh. An lámhscríbhinn a ghráf Pól Ó Colla sa bhliain

---

<sup>1861</sup> Féach an plé a rinneadh ar scríobhaithe Cho. na Mí i gCaib. 1.4.1.2.

<sup>1862</sup> Bhí nós acu beirt marcanna ceangaltóra a scríobh ag bun na leathanach ina gcuid scríbhinní. Féach Caib. 1.2.3 thuas.

1644 i dteach Chonaill Mhig Eochagáin, Lios Maighne, Co. na hIarmhí,<sup>1863</sup> is aisti a scríobhadh ARÉ 23A40 (150); ghráf Risteard cóip eile den lámhscríbhinn chéanna sa bhliain 1714.<sup>1864</sup>

De bhreis ar an méid cóipeanna de sheanleabhair a d'fhág sé ina dhiaidh, is scríobhaí neamhghnách é Seon i gcomórtas lena lucht comhaimsire, an dream a raibh dúil san ábhar léannta acu ach go háirithe, mar gheall ar a liacht cóipeanna is a rinne sé de théacsanna cráifeacha na 17ú hAoise, cuid acu ó leabhair chlóite. Sampla díobh seo is ea LN G57, cóip de *Lochrann na gCreidmheach* (1676) nó *Lucerna Fidelium* a ghráf sé as seanchóip chlóite, am éigin le linn na bliana 1714; ní fios cé dó ar scríobh sé í, ach go raibh Baile Átha Cliath bainte amach ag an lámhscríbhinn faoin gcéad leath den 18ú hAois.<sup>1865</sup> An dá lámhscríbhinn ghaolmhara, ARÉ 23K37 (b) (152), a ghráf Seon idir 1714 agus 1716; agus LB Eg. 106, ar ghráf Risteard Tuibear a formhór ag deireadh na bliana 1715 agus 1716,<sup>1866</sup> síolraíonn siad beirt ó *Leabhar Gearr na Pailíse*, an lámhscríbhinn a ghráf Eoghan Mac Carrthaigh sa bhliain 1648.<sup>1867</sup> D'fhan an chóip a scríobh Seon i gCo. na Mí le fada, í á cur ó léitheoir go

---

<sup>1863</sup> Féach Caib. 1.4.4.1, nóta 662 ach go háirithe.

<sup>1864</sup> Príomhchuid ARÉ 23D9 (148). Scríobh Risteard ina dhiaidh sin giotáí eile a ceanglaíodh leis an lámhscríbhinn—tá an dáta 1728 leis na giotáí breise a baineadh as *Leabhar Bhaile an Mhóta*, giotáí atá ar lgh 1a-17a, 236-8 (iad ceangailte trí dhearmad díreach ag tús agus ag deireadh na lámhscríbhinne). Críochnaíodh an príomhchuid ar an 21 Meitheamh 1714 (lch 235), agus ciallaíonn sé sin, diomaite dár scríobhadh san *R.I.A. Cat.*, 427, gur ghráf Risteard a chóip de lámhscríbhinn Phóil Uí Cholla go gairid i ndiaidh do Sheon cóip di a chur i gcrích do Thadhg Ó Neachtain ar an 4 Samhain 1713.

<sup>1865</sup> Féach nóta 1835 thuas.

<sup>1866</sup> An t-iomlán seachas dhá théacs a scríobh Seon dó.

<sup>1867</sup> Rinneadh cur síos mionsonraithe ar na lámhscríbhinní seo—ARÉ 23K37 (152) [cuid (b)] agus LB Eg. 106—in Ní Úrdail (2011: 226-7), agus is ar an gcuntas sin a bunaíodh an méid seo thíos. Gabhann an colafon, 'Sriptum per me Eugenium Carti Baile an Oilein aedibus Domini Tadei Deirmisi Cormaci Carti anno domini 1648 undesimoque Januarii', leis an dá chóip: féach LB Eg. 106, f. 132v; tá cóip eile in ARÉ 23K37 (b) (152), lch 172. Scríobh Risteard Tuibear an chuid is mó de LB Eg. 106. Tá síniú Sheoin Mhic Sholaidh agus an dáta 18 Feabhra 17<sup>15</sup>/<sub>16</sub> inléite ar f. 132v; shínigh sé lch 172 de ARÉ 23K37 (b) (152) an 24 Feabhra 17<sup>15</sup>/<sub>16</sub>. Maidir le buntéacs Carti (1648), féach Ní Úrdail (2011: 2-3), a áitíonn 'that C[ath] C[hluana] T[airbh] formed part of the contents of LGP (= *Leabhar Gearr na Pailíse*), an anthology attributed to one Eugenius Carti who completed his work in 1648'. Tá plé iontach mion ar *Leabhar Gearr na Pailíse* sa réamhrá le Ní Úrdail (2011). Diomaite de go maítear i gcuid mhaith de na cóipeanna atá againn gur baineadh as leabhar Eugenii Carti (1648) iad, is minic gan iad a bheith ag réiteach lena chéile, agus ní gá dúinn anseo ach féachaint ar lámhscríbhinní

chéile san 18ú hAois, agus tá a shliocht uirthi. Trí na dátaí i lámhscríbhinní Sheoin agus Risteaird a chur taobh lena chéile, is éasca a dhéanamh amach goidé mar a roinn siad an eiseamláir eatarthu—tchíonn muid Seon ag grafadh a chóipe féin, ag tosú leis an gcéad phíos, is dóigh, i mí na Samhna 1714;<sup>1868</sup> cuireann sé an seanleabhar ar leataobh go gairid ina dhiaidh sin le tosú ar leabhair eile a ghrafadh i rith na bliana 1715—LN G195, 1715; ARÉ 23D6 (155) + ARÉ 23D5 (156), 1715; agus ARÉ 23C34 (954), cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ a bhfuil an 28 Meán Fómhair 1715 mar dháta léi, srl. Seoltar an seanleabhar dar dháta 1648 chuig Risteard ina dhiaidh sin, trí theachtair, b’fhéidir, agus gabhann Risteard dá chóip féin de a scríobh, ag cur an chéad scéil i gcrích ar an 25 Samhain 1715. Sroicheadh sé ‘Cath Chluana Tairbh’, scríobhann sé beagán de, agus téann sé thairis chuig an gcéad scéal eile. Críochnaíonn Risteard an obair in 17<sup>15</sup>/<sub>16</sub>, agus cuirtear an leabhar ar ais chuig Seon, a thosaíonn a obair arís. Más fíor gur airigh Risteard uaidh ‘Cath Chluana Tairbh’ an uair sin, nó go ndearna sé socrú eile le Seon, is ag Dia atá a fhios, ach scoireann Seon de chóip de ‘Cath Chluana Tairbh’ a scríobh do Risteard an 18

---

Sheoin agus Risteaird a ndéirtear iontu beirt—(1) lámhscríbhinn Sheoin, ARÉ 23K37 (b) (152); agus (2) lámhscríbhinn Risteaird, LB Eg. 106—gurbh as leabhar Eugenii Carti a scríobhadh iad. Ní áirítear sna huimhreacha tagartha na sleachta annála a fíodh trí na saothair fhíos; bunaíodh uimhreacha LB Eg. 106 ar an *B.M. Cat.*, ii, 329-41.

Uimhir in ARÉ 23K37 (b) (152).	R. T.	Colafoin.
1. Cath (Ionnsoidhe) Maighe Léana.	1.	S. Mac S., 9/11/1714; R.T., 25/11/1715.
2. Cath Maighe Mucraimhe.	2.	
3. Cath Críonna.	3.	
4. Cathughadh Cheallacháin Chaisil re Lochlannaibh.	4.	
5. Cath Chluana Tairbh.	20.	S. Mac S., 24/2/17 <sup>15</sup> / <sub>16</sub> ; R.T., 18/2/17 <sup>15</sup> / <sub>16</sub> .
— [Dán, <i>Aniar tháinig tuitim Bhriain</i> ].	21.	
6. Foghlaim Chon gCulainn.	5.	R.T., 1715.
7. Dán, <i>Truagh sin, a aoinfhir Aoife</i> .	6.	
8. Cath Leitreach Ruighe.	7.	
9. Dán, <i>A Úa na Ríogh</i> .	8.	
10. Cogadh Fhearghusa agus Chonchubhair.	9.	
11. Cath Rois na Ríogh for Bóinn.	10.	S. Mac S., 7/4/1716; R.T., 17 <sup>15</sup> / <sub>16</sub> .
12. Do Chloinn Fhearghuis Mhic Róigh.	11.	
13. Comhrac Fhirdhia agus Con gCulainn.	12.	S. Mac S., 12/4/1716.

Scríobhadh an chuid eile de lámhscríbhinn Risteaird as lámhscríbhinní eile, agus tá na dátaí 1717 agus 1718 léi.

<sup>1868</sup> Tugtar na dátaí uilig i nóta 1867.

Feabhra 17<sup>15</sup>/<sub>16</sub>, agus cuireann sé colafon ag deireadh a chóipe pearsanta den scéal ar an 24 Feabhra 17<sup>15</sup>/<sub>16</sub>. Is dóigh gur lean Seon air go measartha leanúnach nó gur chuir sé colafon leis an scéal deiridh sa lámhscríbhinn ar an 12 Aibreán 1716.

Míníonn an sampla simplí nádúrtha seo den dóigh a gcuidíodh Seon agus Risteard lena chéile—ag déanamh gar dá chéile ó am go ham, agus ag babhtáil a gcuid leabhar—a chosúla lena chéile atá a gcuid lámhscríbhinní.

Chomh gasta agus an bhí an lámhscríbhinn curtha de aige, thosaigh Seon a obair ar cheann eile, cóip de ‘An Gleacaidhe Géaglonnach’ a críochnaíodh ar an 26 Bealtaine 1716.<sup>1869</sup> Is ábhar spéise go luann Seon go bhfuair sé dua mór leis an scéal a scríobh, tharla gur cumadh lena linn féin é: ba é Seán Ó Neachtain an t-údar, agus is dóigh gurbh é an cúram a fágadh ar Sheon an litriú a cheartú. Féach fosta go ndearna Tadhg Ó Neachtain cúpla ceartúchán ar obair Sheoin—ní a thabharfadh le fios gur féidir gurbh eisean an pátrún a luann Seon go díreach sa cholafon a chuir sé ag deireadh an scéil,

Arna sgriobhadh le Seón Mhac Solaidh a mBaile Hardaman a bporáisde Thighe Calláin, a mbaruntacht Sláine 7 a ccondé na Midhe, an seiseadh lá fichíod do mhí Mháie an bhliadhain d’Aoís an Tighearna míle seacht ccéud 7 sé bliadhnuibh déug; 7 is lánshasaighthe mé gach dúadh 7 gach trioblóid da bhfuarus ag sgriobhadh na sdaire ceadhna a ngeall ar bhar ngnathghuidhesi do bheith liom ...<sup>1870</sup>

Éiríonn an pictiúr níos doiléire ón mbliain 1717 amach, an bhliain ar thosaigh Seon agus Risteard a obair ar chnuasaigh eile ginealach a scríobh, cnuasaigh ar chuir Risteard breiseanna leo ar feadh naoi mbliana eile. Na cnuasaigh sin, ba chuid den tionscnamh iad a bhí ar siúl ag an mbeirt acu chomh fada siar le 1715 (nó 1713, 1714,

---

<sup>1869</sup> LN G197.

<sup>1870</sup> LN G197, lch 289. Tá cóip de san *N.L.I. Cat.*, v, 71.



b'fhéidir) ginealaigh a thabhairt le chéile agus a scríobh. Comhleabhar atá sa chéad lámhscríbhinn acu seo, ARÉ 23E26 (756), agus an chuma uirthi gur scríobhadh méid áirithe di idir na blianta 1716 agus 1717, agus gur cuireadh ábhar léi ó am go chéile. Deir Risteard linn gur thosaigh sé ar an gcéad chuid a ghráfadh ar an 18 Samhain 1716, agus gur chuir sé i gcrích í laistigh d'achar ocht seachtaine, ach níorbh fhada nó gur chuir sé scairt ar Sheon le go gcuideodh sé leis codanna den lámhscríbhinn a chóipeáil.<sup>1871</sup> Ba é Risteard a rinne formhór na hoibre, agus tá dátaí sna blianta 1719 agus 1726 i dtreo dheireadh na lámhscríbhinne. Lámhscríbhinn bheag a ghráf Seon dó féin i nGeimhreadh na bliana 1717 is ea í ARÉ 23K37 (a) (152), agus taispeánann sí go raibh Seon ag grafadh ábhar dá úsáid féin go fóill—caithfidh sé gur bheag an saothar a fuair sé leis an obair seo i gcomórtas leis na ginealaigh a bhí sé agus Risteard ag tiomsú. Is éard atá sa cheann seo, an stair 'Cath Cumair', agus an 22 Samhain 1717 mar dháta léi sa cholafon.

Scríobh Seon i mBaile Hardaman ar an 28 Eanáir 1718 chuig Risteard Tuibear, á iarraidh air an leabhar leighis a fuair sé ar a shon a chur ar ais chuige leis an sealbhóir a shásamh. Sraith de thagairtí aduaine don obair a bhí ar siúl ag baill éagsúla de ghrúpa Thaidhg Uí Neachtain atá sa chuid eile den litir,

Baile Hardama[n] Ian: 28, 1718.

*A chairaid ionmhain,*

Ata dúil agam go bhfuil tú sasaidh leis an leab[h]ur leighis, óir do bhí an t-óganach a thug damh e, ann so Día Domhnaigh, 7 d'fháig se mo leabhar féin agam, 7 a deir se go bhfuil dearbhrathar dhó róthinn 7 nach bhfeachann sealbhadóir an leabhair sin dó go bhfuighe sé an leabhar ar ais. Chuir misi leabhar oile chuige d'fheachain nar shasuigh é go ttiucfadh an leabhar sin. Guidhim thú fana chur a n-ordaibh comh maith 7 is feidir leat, a modh nach croneobhaidh sé é, 7 cuir anuas é comh doith 7 is feidir leat. Na dearmoid Seimín do chur chugam, 7 an t-abhran do sgríobh P<sup>n</sup>: [= Pádraig] Doibhlín. Tabhair mo sheirbhís do G[h]earoid Mac Con Midhe 7 do Sheamus Ó

<sup>1871</sup> Féach nóta 1826 thuas.

*Fearghail*, 7 *innis dóibh* gur fada liom go bhfaicim *gach* ar gheall siad dhamh. C[h]uir mé saothar Mheic *Cearchair* chuca *mar áon* leis an litir so, 7 abhran bhriste na Boinne roimhe *sin*. Ma tá speis agad ionnta gheabhair ag *Gearoid* íad. Madh chúala tú ní *ar* bioth fam dhoctuir cuir *sgéala* chugam, óir is fada liom go ccluiniom úaidh, 7 is rofhada liom go bhfagham do sgeala *féin*. A ndoigh go bhfuil an tslainte agad *féin* 7 ag do churam go léir *mar* ata agamsa do lathair, glóir mhór do Dhía da cheann, gabham mo chead agad.

Od chairaid bhithdhilis go héug  
Seón Mac Solaidh

Fiafraigh an bhfuair *Gearoid*

an t-abhran, 7 muna bhfuighe sé e romhad tabhair c[h]uige é.<sup>1872</sup>

Ní hé gurb í an litir seo an t-aon phársa scríbhneoireachta a chuir Seon chuig Risteard trí theachtaire. Tá ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta go fóill cóip den dá leathanach deiridh de ‘Oidhe Chloinne Tuireann’ i lámh Sheoin Mhic Sholaidh, a scríobhadh ar ghiota páipéir a filleadh thart le ceithre leathanch a chruthú. Is é an rud is aistí faoin mblogh den scéal atá ann go bhfuil an chéad dá leathanach ar a bhfuil sé scríofa uimhrithe mar 1-2 ag Seon é féin, agus, ar an gcuid eile, tá nóta ina lámh, ‘To M<sup>r</sup> Will M<sup>c</sup> Duker to be delivered to M<sup>r</sup> Richard Tuiper in Michelstowne These’.<sup>1873</sup> Fágann sé sin gur iarradh ar Sheon an dá leathanach sin amháin a scríobh agus iad a chur chuig Risteard tríd an bpost, leis an méid a bhí in easnamh ar chóip éigin de chuid Risteard a fhorlónadh, is dóigh. Tá nóta eile den chineál seo a léiríonn go mbíodh Risteard ag cur ábhar chuig Seon fosta tríd an bpost.<sup>1874</sup> Ar an taobh eile den scéal, ní leor cúpla nóta den chineál seo lenár sásamh nár thug Seon oiread agus turas amháin chuig an gcathair. Abraimis gur thug sé cúpla cuairt ghairid ar Risteard le lámhscríbhinní a thabhairt dó ach níl, ar ndóigh, dóigh againn air sin a léiriú, óir ní fhágann teagmháil phearsanta taifead scríofa ina diaidh. Is doiligh a

---

<sup>1872</sup> ARÉ 23M4 (332), lch 165. Tá an litir i gcló in Walsh (1933: 198-9), agus in Ó Cuív (1964-6: 196). Téann an leagan thuas de leagan Uí Chuív (1964-6) in dhá áit, agus marcáiltear na noda agus giorrúcháin, mar aon le roinnt séimhithe a bhí in easnamh sa lámhscríbhinn, ach ba mhór an gar dom leagan Uí Chuív (1964-6) gan amhras.

<sup>1873</sup> LN G447, lch 4.

<sup>1874</sup> Féach nóta 1886 thíos.

chreidiúint nár bhuaill an bheirt acu lena chéile cúpla uair, agus b'fhéidir cúpla uair sa bhliain le linn do na ginealaigh a bheith á socrú acu idir c.1714 agus c.1724.

Thosaigh Seon i mí an Mhárta 1718 ar an méid de na ginealaigh a bhí scríofa aige agus ag Risteard i bpáirt lena chéile in ARÉ 23E26 (756) a athscríobh;<sup>1875</sup> ghráf sé an chuid is mó de chnuasach ollmhór ginealach in dhá imleabhar sa bhliain chéanna, ARÉ 23M17 (153) + ARÉ 23M18 (154),<sup>1876</sup> agus lean seisean agus Risteard orthu ag cur lena gcuid cóipeanna pearsanta de ar feadh cúpla bliain.<sup>1877</sup> Choinnigh Seon an saothar dhá imleabhar seo, suas go dtí an bhliain 1723 ar aon nós, agus is iad seo an t-aon dá imleabhar ginealach a ghráf Seon ar féidir a léiriú gur choimeád sé iad tar éis a scríofa, taobh amuigh de ARÉ 24A2 (757). Is í ARÉ 24A2 (757) an chóip phearsanta sin d'ábhar ARÉ 23E26 (756), nó lámhscríbhinn ghaolmhar léi, a luadh thuas. Gabhann an réamhrá seo leis an dá chóip, agus diomaite de gur sine an chóip de atá i lámhscríbhinn Risteaird, is dóigh gur shaothar amú é tabhairt faoi bhunobair<sup>1878</sup> Sheoin agus Risteaird a aithint óna chéile trí chéad bliain tar éis a tiomsaithe. Tugtar thíos an réamhrá mar atá sí i lámhscríbhinn Sheoin,

Go deimhin ni raibh curam ar m'aigheadh badh mó no an leabhar so do sgríobhadh (le cían d'aimsir) ar lorg Domhnaill Amhra Ui Dhuinninn, 7

<sup>1875</sup> Sin ARÉ 24A2 (757) ar baineadh a hábhar, is cosúil, as ARÉ 23E26 (756), nó lámhscríbhinn eile dá cineál.

<sup>1876</sup> ARÉ 23M17 (153) + ARÉ 23M18 (154). Féach nótaí 1823, 1824 thuas.

<sup>1877</sup> Ghráf Risteard cuid den chéad imleabhar (agus cúpla giota as an dara himleabhar) isteach in LN G177 am éigin tar éis na bliana 1724, agus dhealródh sé go raibh cóipeanna eile déanta aige nach bhfuil againn.

<sup>1878</sup> Sin an t-ábhar a bhailigh siad agus a chuir siad i ndiaidh a chéile; is éasca peannaireacht na beirte a dhéanamh amach óna chéile. Díreach le sampla a thabhairt de na deacrachtaí a bhaineann leis an gceist seo, is féidir linn féachaint ar an dá chnuasach is mó a d'fhág Seon agus Risteard againn: (a) na ginealaigh a thuill a gclú dóibh mar scoláirí, cnuasach a léirítear i dtrí lámhscríbhinn—ARÉ 23M17 (153) + ARÉ 23M18 (154) [scríobhaí: Seon Mhac Solaidh, 1718, 172<sup>2</sup>/<sub>3</sub>], agus cóip a ghráf Risteard Tuibear de chuid mhaith den chéad imleabhar tar éis na bliana 1724, LN G177; (b) bailiúchán eile a bhfuil fáil air in ARÉ 23E26 (756) [scríobhaí: Risteard Tuibear, 1716-17, 1719, 1726, agus Seon Mhac Solaidh ag cuidiú leis] agus ARÉ 24A2 (757) [scríobhaí: Seon Mhac Solaidh: 1718; i seilbh Sheoin sa bhliain 1723]. Is doiligh, áfach, a rá goidé an pháirt a bhí ag Seon go díreach san obair seo, ó tharla gur chuidigh sé le Risteard codanna áirithe de ARÉ 23E26 (756) a ghráfadh. Sa chéad áit, ní cóip iomlán í cóip Sheoin; téann sí chomh fada le lch 252 i gcóip Risteaird, ARÉ 23E26 (756), agus más fíor gur sine cóip Risteaird, ní haon ghealltanais sin gurb í an bunsaothar í. Maidir leis an bpáirt a bhí ag Seon san obair seo, féach nóta 1890 thíos.

Thaidhg mheic *Daire*, do b[h]riogh go measuim a bheith *barantamhuil* fóirleathan, *tar* eis na deisi sin, 7 fós measuim go *bhfuil ceart* canamhnacha, 7 pronunsiasion ann. Ní hionann 7 *mar* mheasas baoidhguireadha(?) *neamhmbarántamhuil* do dháothibh dúra *tearcmhúinte beagleighin* do bheith, ag nach *bhfuil* aithne a *litreacha ar a'* ccaoi choir aca do reir na Gaoidhealg, 7 ma theagmhaid puinn focail orra *nach* ttuigid ní bhíd *acht* ag *dimoladh* an ughduir. IS *dearbh* go rabhadar *seanchadha* ann *díaigh* a ndíaigh o aimsir na *dilionn go teacht ar* Naomh Patruig a nEirinn, 7 gur chuir Naomh Patruig an tan sin na hughduir is *barantamhla* do bhí a nEirinn do choimhead 7 do ghlanadh an *tseanchusa*: do *sgriobhadh* leis na hughdaruibh sin *seanchais Eirionn* a bhfiaghnuisi úaisle, 7 naomh Eirionn a bpríomhleabhruibh do hanmnuighthear ona naomhuibh fein 7 óna *gceallaibh*. Go *firinneach*, as é *easbhaidh* na n-ug[h]dur sin (no a leitheide) do bheith ar an nasíon, thug fa deara dhamhsa lamh do chur san *óbairsi*, no 'na leitheide eile. Do choncamur ag ughduruibh, gurab é *órdúghadh* do chuiridís ina ngeinealaigh an té is túsga tainig amach as a ttigh, tosach do thabhairt dhó isan ngeinealach, *gidheadh* ní hamhlaidh sin do bhí sé ag Domhnall Ó Duinninn do bhí *ar lorg(?) seanchaidhe*, *acht* an té is óige is dó thugamar tosach an gheinealaigh *ar* a aithris, óir as é is goire d'oighreacht an toighe, 7 an té is goire don oig[h]reacht as é is mo *gairm* do chum a bheith a ttosach an gheineallaigh, 7 ní curtha don *leaghtóir* a suim an ti so no an ti eile, do bheith roimhe san ngeinealach.

Madh castar ort, a leaghtoir ionmhuin, san leabharsa *locht* ceille no curtha síos, gabh *féin* mo leithsgeal, 7 na *tabhair* dáorbhreith oram, óir ní bhí na saoithe *féin* gan *locht*, 7 *mar* sin, ní *nár* damhsa *gach locht* da *bhfuil* ann 7 gur mile lúgha mé no sin. Is maith 'fhios agam, a leighthóir, gurab rofhada leat atamaoid dod chongmhail *ar* an réim chomhraidh so, madh ta go *bhfuil* moran agamsa re a radh, *acht* is leór so, do sheachnadh ríghnios do chur ort, 7 ata ag gabhail a *cheada* leat, an tí *darab* mían bheith id sheirbhís mas í do thoil *gan* labhairt go trom *ar* do dhearbhcchairaid ionmhuin,

SEON MAC SOLAIDH.<sup>1879</sup>

Tá tábhacht ar leith ag baint leis na ginealaigh seo toisc go ndearna Seon agus

Risteard beirt iarracht iad a thabhairt anuas go dtína linn féin. Is follas uathu go

ndearnadh 'núadhfhíanaise', a bailíodh idir 1708 agus 1724, a fhí isteach iontu, ach

ní fios go díreach cé air ar thit an cúram an t-eolas seo a bhailiú. Ar scáth an dáta sin

1708 a luaitear le ceann de na breiseanna, is féidir go raibh Seon agus Risteard ag

<sup>1879</sup> ARÉ 24A2 (757), lch [ii]. D'fhéadfaí nach *ttuigead* a léamh i l. 7 thuas. Is é mo thuairim gur mó a mheabhródh stíl phraiticiúil sciobalta an réamhrá seo litir Sheoin dúinn ná an réamhrá mórfhoclach uamach a chuir Risteard le LN G361. Féach Caib. 1.3 thuas.

tarraingt ar thaighde daoine eile. Lean Seon air ag scríobh dó féin le linn na mblianta seo fosta, is dóigh. Lámhscríbhinn de chuid a chnuasaigh phríobháidigh ab ea é an chéad leabhar beag eile uaidh, cóip de ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’ a cuireadh i gcrích i mí na Samhna 1718,<sup>1880</sup> agus tá an chuma uirthi go bhfuil ceangal dlúth téascúil aici leis an gcóip a scríobh Risteard thiar sa bhliain 1712.<sup>1881</sup> Is leis na sleachta a scríobh Seon dó féin as *Leabhar Gearr na Pailíse* corradh agus dhá bhliain roimhe sin atá cóip Sheoin ceangailte, agus chaith sí an chuid is mó den 18ú hAois i gCo. na Mí. Is beag den obair, cibé obair, a rinne Seon sa bhliain 1719 a tháinig anuas chugainn, ach cúpla giota a scríobh sé do Risteard Tuibear thart faoin am sin.<sup>1882</sup>

Bhí Seon ag scríobh i mí Aibreáin agus Bealtaine 1720 do Shéamus Belle,<sup>1883</sup> agus is féidir gur thug sé aghaidh ar chóipeáil téacsanna fada cráifeacha arís thart faoin am seo, óir tá cuid mhaith lámhscríbhinní againn óna láimh nach féidir a gceangal le tréimhse ar bith ina shaol, mar gheall ar na duilleoga tosaigh agus deiridh a bheith cailte i gcuid mhaith díobh.<sup>1884</sup> Thiocthadh dóibh cuid de na bearnaí ina bheathaisnéis a líonadh, ach an t-eolas iomlán a bheith againn. Ghraf Seon do Shéamus Belle cóip den dán fada, ‘Beatha Chríost’, in 1720, agus más dán Muimhneach é, bhí baint nár bheag ag scríobhaithe oirdheisceart Cho. na Mí lena sheachadadh san 18ú hAois. Is dóigh go raibh obair éigin ar siúl aige sa bhliain 1721 a bhain leis an saothar fada, *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*, óir shínigh sé a chóip chlóite de arís sa bhliain sin, mar a deir Ní Mhunghaile (2016: 85). Ghraf scríobhaí ó Stigh Colláin, Pádraig Ó

---

<sup>1880</sup> ARÉ 23K37 (c) (152). Tá an dáta ar lch 245; féach nóta 1822 thuas, mar a bhfuil liosta de na dátaí atá sa lámhscríbhinn.

<sup>1881</sup> LB Eg. 132, f. 1.

<sup>1882</sup> In ARÉ 23E26 (756). Féach nóta 1826 thuas do na dátaí atá leis an méid den lámhscríbhinn atá i láimh Risteard Tuibear.

<sup>1883</sup> COFLA MF5.

<sup>1884</sup> COC M21 (21), CPD 2, LB Eg. 148, LN G60, LN G124, LN G125, LN G126, LN G229, LN G447.

Raghallaigh [2], cóip de ‘Beatha Chríost’ sa bhliain 1722. D’fhéadfadh sé go raibh sé á oiliúint ag Seon, óir ní léiríonn sé an cur amach céanna ar ortagrafaíocht na Gaeilge, cé gur beag atá idir lorg láimhe na beirte. Tá muid dall ar cibé obair a bhí ar siúl ag Seon sa bhliain 1722, ach is eol dúinn go raibh sé ag cur le ceann de na cnuasaigh ginealach arís in 1723, ARÉ 23M18 (154), agus tá nótaí sealbhóra dar dáta 172<sup>2</sup>/<sub>3</sub> le lámhscríbhinn eile a ghraf sé dó féin, ARÉ 24A2 (757), a scríobhadh in 1718, ionann is go raibh na ginealaigh á scrúdú arís aige.

Is sa bhliain 1724 a fhaigheann muid an spléachadh deiridh ar Sheon Mhac Solaidh, dhá lámhscríbhinn a ghraf sé ina bhfuil cóipeanna de shaothar Thomáis Mhic Gabhráin, ‘An Scáthán Spioradálta’. Ar cheann acu, LB Eg. 191, tá síniú Risteaird Mhic Con Midhe éigin. Bhí tuairim is leath de LB Eg. 191 scríofa ag Seon faoin 20 Iúil 1724,<sup>1885</sup> nuair a chuir sé colafon agus líneadach beag de Phurgadóir léi. Ba do Risteard Tuibear a scríobh Seon an dara lámhscríbhinn dá chuid ina bhfuil ‘An Scáthán Spioradálta’, LN G65, i ngeall ar ábhar a fuair Seon uaidh go gairid roimhe sin, mar a mhíníonn Risteard dúinn i nóta a chuir sé le bronntanas Sheoin,

*Leabhair Riosdard Tuibear do sgríobh Seóin Mac Solaidh dhó íar son leábhair eile do sgríobh an sealbhadóir an leabhairsi dhó .i. R. T.*<sup>1886</sup>

Is é an 20 Deireadh Fómhair 1724 an dáta is maille, go bhfios dom, atá le saothar ar bith de chuid Sheoin Mhic Sholaidh,<sup>1887</sup> an lá ar chuir sé colafon le LN G65 san áit chéanna agus a scríobh sé a ainm agus an dáta in LB Eg. 191. Ós rud é gur chuir sé 204 leathanach eile leis an lámhscríbhinn ina dhiaidh sin, is dóigh gur éirigh leis LN

---

<sup>1885</sup> LB Eg. 191, f. 94.

<sup>1886</sup> LN G65, nóta i lámh Risteaird taobh istigh den chlúdach tosaigh. Tá sé i gcló san *N.L.I. Cat.*, ii, 97, agus taispeánann an méid seo go scríobhadh Risteard Tuibear lámhscríbhinní do Sheon Mhac Solaidh fosta. Féach fosta an giota páipéir a d’úsáid Seon, is dóigh, le clúdach lámhscríbhinne dá dhéanamh a láidriú, an giota páipéir atá taobh istigh de LN G229 ar a bhfuil scríofa, ‘This to be delivered to Mr John Solly at Harmanst<own>’, *N.L.I. Cat.*, vi, 25.

<sup>1887</sup> LN G65, lch 205.

G65 a chríochnú roimh dheireadh na bliana 1724, agus is leis an lámhscríbhinn sin a thagann saothar scríbhneoireachta Sheoin chun críche. B'fhéidir go léifí ar an gclaochlú chun donais a bhí tar éis teacht ar a chuid peannaireachta, ón am ar ghráf sé LB Eg. 191 cúpla mí roimhe sin, go raibh rud éigin ag cur as do Sheon faoi mhí Dheireadh Fómhair 1724,<sup>1888</sup> ach is é fírinne an scéil nach fios cá fhad a lean Seon air ag grafadh lámhscríbhinní ina dhiaidh seo ná cá huair a fuair sé bás. Ó ba é an scríobhaí ba thábhachtaí i gCo. na Mí é san 18ú hAois, níorbh olc an rud é tátal éigin a thabhairt ar ar fhág sé mar oidhreacht againn. Ós rud é gur scríobh Seon mórán do Risteard Tuibear, agus codanna de lámhscríbhinní do Thadhg Ó Neachtain, ní mór an t-iontas é gur tuairimíodh go raibh Risteard ina chineál de mhionphátrún ag Seon, agus go ndéanadh Seon an rúnaíocht dó agus do Thadhg nuair ba ghá sin.

Is fearr i bhfad a chumas Gaeilge a litriú ná Tadhg Ó Neachtain, a chuireann trína chéile go minic cairn litreacha a bhí, is dóigh, ar aon fhuaim lena chéile ina chanúint, agus is fearr fós cuid ortagrafaíochta Sheoin ná a bhfaightear i lámhscríbhinní Risteard Tuibear, óir chuireadh Risteard scaití consain leathana agus chaola trína chéile, agus ba bheag a bheann ar an tseanriail litrithe sin *leathan le leathan, caol le caol*. Is gaire don chaighdeán clasaiceach i gcinnteacht í ortagrafaíocht Sheoin, i gcomórtas lena lucht comhaimsire, agus níl áit ar bith ar réidhe a thuigfí sin ná sna cóipeanna a scríobh sé de shaothair phróis Sheáin Uí Neachtain. Is dóigh gur chuir sé barr feabhais ar a chuid scileanna le linn dó a bheith ag cóipeáil na dtéacsanna clóite cráifeacha úd a bhfuil dornán maith acu againn óna láimh. Ó thaobh na peannaireachta de, níor dhearmad do Ní Mhunghaile (2016: 82) a scríobh go bhfuil

---

<sup>1888</sup> Is aisteach liom fosta go raibh baint ag lámha eile le déanamh na lámhscríbhinne seo, mar a dúradh i nóta 1836 thuas.

sí ‘slachtmhar cé nach bhfuil sí ró-ealaíonta’,<sup>1889</sup> agus is i ngairbhe a théann sí le himeacht na mblianta. Ní dóigh, áfach, gur mar gheall ar fheabhas a scileanna mar chóipeálaí amháin a bhí Seon ag cuidiú le Tadhg is le Risteard, ó tharla go scríobhadh na fir seo lámhscríbhinní foirmeálta mar aon le dréachtaí, agus más fíor nach raibh de pháirt ag Seon i gcur le chéile na dtéacsanna a bhíodh á réiteach aige agus ag Risteard ach a gcóipeáil go néata nuair a bhí Risteard sásta leo, ní dhéanfadh sé ciall ar bith go mbeadh lorg láimhe Sheoin agus Risteaird taobh lena chéile i gcuid de na lámhscríbhinní. Glacaimis ARÉ 23E26 (756), mar shampla, áit a bhfuil lámha foirmeálta Sheoin agus Risteaird taobh lena chéile. Goidé an t-ábhar go gcuirfeadh pátrún airgead amú ar chóipeanna glana dá chuid oibre, díreach leis na cóipeanna seo a mheascadh lena chuid ‘dréachtaí’ féin? Níorbh olc le Risteard an dianchóipeáil féin, agus tá neart samplaí againn de chóipeanna a rinne Risteard agus Tadhg de théacsanna ar nós stair Céitinn agus eile, téacsanna a d’fhéadfaí a fhágáil taobh le scríobhaithe nár scoláirí iad, le linn do Sheon a bheith ag grafadh lámhscríbhinní i bpáirt leo ar teicniúla go mór a gcuid ábhar. Chonacthas thuas go bhfuil tagairtí againn do lámhscríbhinn(i) a ghráf Risteard do Sheon Mhac Solaidh.

Níl againn oiread agus ceann amháin acu, áfach.<sup>1890</sup> Is beag a tháinig slán den chorpas lámhscríbhinní de chuid Sheoin a fágadh i gCo. na Mí tar éis a bháis, agus is

---

<sup>1889</sup> Féach fosta briathra Phóil Bhreathnaigh: ‘Though his handwriting is not elegant, he copied accurately enough, considering the opportunities he had, and the times in which he lived’ (Walsh 1933: 198).

<sup>1890</sup> Tá claonadh áirithe ann bua an amhrais a thabhairt do Risteard nuair a bhítear ag trácht ar an bpáirt a bhí aige agus ag Seon Mhac Solaidh i gcur le chéile na nginealach. Féach, mar shampla, an méid a deir Ní Mhunchaile (2016: 82) faoin réamhrá le ARÉ 23E26 (756) agus ARÉ 24A2 (757) a priontáladh thuas, agus í ag tarraingt ar thuairim Uí Dhonnchadha (1940: xiii): ‘Tá Ó Donnchadha den tuairim go mb’fhéidir gurbh é Tuibear a chum an sliocht sin. Rinne Mac Solaidh cóip den lámhscríbhinn sin an bhliain dár gcionn, an brollach san áireamh. Is amhlaidh freisin go bhfuil an botún céanna i gclár an dá lámhscríbhinn ... Mar sin, ní mór breathnú ar Mhac Solaidh mar chóipeálaí agus ní mar scoláire...’ Is é an ponc is mó ar son na tuairime sin a liacht lámhscríbhinní atá againn a ghráf Seon do Risteard, agus gan oiread agus lámhscríbhinn amháin a bheith againn i láimh Risteaird a bhfuil an chuma uirthi gur scríobhadh í do Sheon Mhac Solaidh. Tuairimíonn Ní Mhunchaile (2016: 77), ar scáth a ndúirt Harrison (1988: 40) faoi leithéidí Thaidhg Uí Neachtain a bheith ina mionphátrúin ar scríobhaithe de chuid na cathrach, gur féidir gurbh amhlaidh do Risteard Tuibear



leor mar mhíniú air sin an bhail atá ar an méid acu a sábháladh. An chóip úd de *Leabhar Gearr na Pailíse* a scríobh Seon dó féin ar ar thrácht muid cheana, ARÉ 23K37 (b) (152), is sampla maith é den chrann a thit ar chuid mhaith de na seanscríbhinní sin de chuid Sheoin a cuireadh ó shealbhóir go léitheoir i gCo. na Mí, agus i gcontaetha eile sa taobh seo tíre. Ní gá dúinn ach cóip Risteaird a scrúdú, ní a bhfuair Muiris Ó Gormáin seilbh uirthi ina dhiaidh, le feiceáil goidé mar a caitheadh le lámhscríbhinní na cathrach, a chuaigh ó bhailitheoir go bailitheoir, i gcodarsnacht leis an díobháil a rinneadh ar lámhscríbhinní eile faoin tuath.<sup>1891</sup> Tá leabhair Risteaird iontach glan, ceangailte go maith ag na bailitheoirí gairmiúla ar leo iad uair, agus iomlán, taobh amuigh de dhuilleog nó dhó. An cruth anfhónta atá ar chuid mhaith de lámhscríbhinní Sheoin (is é sin, na cinn a d’fhan sa Mhí ina dhiaidh), mheabhróidís dúinn go déadla mórán de na lámhscríbhinní tuaithe eile atá againn a cuireadh ar phár ag an am céanna: iad salach, dreoite, le leathanaigh ar seachrán iontu, i mbrollach agus i dtóin na leabhar ach go háirithe; codanna díobh scríofa go nua ag léitheoirí eile; agus is trí na nótaí sealbhóra agus gealltanais a d’fhág dream eile ar a bhfuaid is féidir leath dá scéal a dhéanamh amach, ní trí na catalóga leabharlainne nó ceant mar a dhéanfaí le cnuasaigh scoláirí móra Bhaile Átha Cliath,

---

agus do Sheon Mhac Solaidh. Chonaic muid cheana go dtugann nóta in LN G65 le fios go scríobhadh Risteard lámhscríbhinní do Sheon ó am go chéile, agus gur dóigh, dá bharr sin, go gcuidíís lena chéile. Bheadh staidéar iontach domhain ag teastáil ar na lámhscríbhinní nó go mbeifí in ann iarracht a dhéanamh codanna thar a chéile de na saothair a leagan ar Risteard agus ar Sheon faoi seach, agus b’fhéidir nach mbeadh de thoradh againn ar an staidéar sin ach go mbeimis eolach air nach féidir sin a dhéanamh. Caithfear cuimhneamh air go dtagann an chuid is mó de na ginealaigh a chuir siad le chéile as seanleabhair, agus gur beag an deis a bheadh ag bailitheoir ginealach a thréithe féin a fhágáil ar théacs den chineál sin, ní a ligfeadh dúinn tomhas a dhéanamh ar an té a scríobh. Ó thaobh na mbrollach atá le ginealaigh Sheoin Mhic Sholaidh agus Risteaird Tuibear, ba nós leis an mbeirt acu colafoin fhada a chur lena gcuid oibre, agus is dóigh gur sábháilte rud ar nós an teidil a bhaist Ó Muraíle (2010: 142) orthu a úsáid, ‘R. Tipper / S. Mac Solaidh collection’, agus muid ag plé leis na ginealaigh atá in ARÉ 23M17 (153) + ARÉ 23M18 (154), agus LN G177.

<sup>1891</sup> Ba mhír 14 i gcatalóg Mhuiris Uí Ghormáin (1761) í LB Eg. 106 (Ní Mhughailé 2008: 83; 2010: 270), agus bhí sí leis na lámhscríbhinní a cheannaigh Leabharlann na Breataine ó Shéamus Ó hArdagáin sa bhliain 1832. Is dóigh go bhfuair Séamus Ó hArdagáin í ó Edward O’Reilly, ach ní fiú liom plé leis na ceisteanna seo, óir tá an obair seo idir lámha ag scoláire mór le rá faoi láthair. Tá nótaí ar na léitheoirí a chuir a n-ainmneacha le ARÉ 23K37 (152) san *R.I.A. Cat.*, 433-4; déantar tagairt do chuid bheag acu i nóta 1892 thíos.

Tadhg Ó Neachtain, Risteard Tuibear, Muiris Ó Gormáin, agus cuid eile dá sórt. Is éard atá le tuiscint as na nótaí seo, gurbh i dtithe móra agus bochta Cho. na Mí is mó a bhí fáil ar chnuasach Sheoin sa dara cuid den 18ú hAois. Tharla ceann acu, CPD 2, i gcnuasach Bháiteir Uí Eisleanáin (*q.v.*), an scríobhaí ó Churrach Átha, duine a choinnigh beo i bpáirt lena lucht comhaimsire, Labhrás Mhac Con Allaidh, Proinsias Mhac an Ultaigh, agus Séamus Mac an Ultaigh (*qq.v.*), an traidisiún scríofa in uachtar Cho. na Mí.

Bhí cuid de lámhscríbhinní Sheoin in oirthear Cho. na Mí sa dara leath den 18ú hAois;<sup>1892</sup> d'fhéadfadh sé go raibh ceann acu i gCo. Ard Mhacha in 1743,<sup>1893</sup> agus

---

<sup>1892</sup> Féach an bhreacadáil in:

1. ARÉ 23K37 (152). Trí lámhscríbhinn agus iad ceangailte le chéile atá inti, ach is follas go bhfuil siad lena chéile le fada an lá, tharla gur shínigh na sealbhóirí céanna iad san 18ú hAois, agus gur dheisigh Peadar Dubh Ó Dálaigh (*q.v.*) leathanaigh lochtacha i ngach ceann de na trí chuid (féach nótaí 1821, 2350). Ar na sealbhóirí agus léitheoirí a luaitear inti, tá: (1) nóta i dtaobh bhás 'James Ma[dden] of Rathdrinay in the parish of Knockomon and Barroney of Duleek and County of Meath' (*ob.* 1774); (2) Peter Carelon; (3) 'Peter Madden ... Rathdrinagh'; (4) Michael Ward, srl., *R.I.A. Cat.*, 434. Do Michael Ward, féach nóta 982 thuas, áit a ndeirtear nach ionann é agus Mícheál Mhac an Bhaire, an scríobhaí ó Cho. Liatroma.
2. ARÉ 24A2 (757). Cnuasach ginealach. Bhí sí i seilbh 'Mrs Preston' ó Balinter [House], duine de mhuintir Preston ag a raibh an teach sin agus na tailte thart faoi ó dheireadh na 17ú hAoise go dtí na 1890í. Shínigh Christopher Devlin agus Niccolas Cernacan an lámhscríbhinn fosta, *R.I.A. Cat.*, 2336; nach spéisiúil gur tuigeadh do Pheadar Ó Gealacáin baint a bheith ag 'Criosdóir Daibhlean' le lámhscríbhinn a grafadh sa bhliain 1761? Bhain Peadar an chóip de 'Mac na Míchomhairle' atá in DE Gen. 43D as cóip de chuid na bliana 1761 ('leabhar Chriosdóir Daibhlean', dar le Peadar). Dhealródh sé gur mheas Peadar Ó Gealacáin gurbh é scríobhaí leabhar na bliana 1761 é Criostóir, ach ceartaíodh é ina dhiaidh sin, óir tá nóta eile sa lámhscríbhinn a deir 'It was Morris O'Gorman who transcribed it in 1761 ...' Féach Ó Tuathail (1931: 395).
3. Bhí ARÉ 23C34 (954) i seilbh Thomas Crinion a raibh cónaí air in Abelstown ('Avelstown', dar leis) i bparóiste Bhaile an Ghearlánaigh, i mbarúntacht Bhaile Shláine Uacht., sa bhliain 1763, agus bhí sé i nDroichead Átha in 1765. Bhí an lámhscríbhinn sin i seilbh George Branagan ón gCaiseal (Cashel; 'Castle', dar leis), paróiste Bhaile Shláine, barúntacht Bhaile Shláine Uacht. tráth, *R.I.A. Cat.*, 2753-4.
4. CPD 2. Dheisigh Bháitear Ó hEisleanáin (*q.v.*) ó Churrach Átha, Circiostún, Co. na Mí, an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1759.
5. LB Eg. 191, a bhfuil breacadáil i láimh Risteaird Mhic Con Midhe uirthi. Is féidir go raibh sí i gCo. na Mí seal. Tugtar tuilleadh eolais faoi fhile dar shloinne sin ó Cho. na Mí a raibh ceangal aige le scoil Thaidhg Uí Neachtain, Gearóid Mac Con Midhe, in O'Rahilly (1913a: 160), agus in Ní Mhughailé (2011: 132-4; 2014: 110-12; 2015: 554, 568 *n.*42; 2016: 77-8, 81-2). Tá peannaireacht an Risteaird seo measartha lag. Shínigh sé ff. 1, 14b, 203b. Scríobh Seon an leabhar, geall leis, ach amháin na breiseanna a liostaigh Flower, *B.M. Cat.*, ii, 594. Ní fios an raibh LN G229 i gCo. na Mí le fada. Shínigh Thomas Kindlan éigin í ach ní fios cá haird dó, *N.L.I. Cat.*, vi, 25. Do LN G195, féach nóta 1894, ach ní fios dom cé dó ar scríobhadh í.

<sup>1893</sup> COC M21 (21); féach na nótaí ar bhreacadáil sa lámhscríbhinn in Ó Conchúir (1991: 50-1).

bhí lámhscríbhinn eile leis i gCo. Dhoire thart faoin mbliain 1815.<sup>1894</sup> Tá nóta beag i lámh chreathach nach bhfuil éagsúil le script rómhánach Sheoin Mhic Sholaidh ar fhordhuilleog sa lámhscríbhinn ARÉ 24A2 (757):

If you want to know what made me go away because I was able to write noe more.<sup>1895</sup>

### 2.103. Séamus Mhac Thighearnáin, fl.1770-80

**ARÉ 23A25 (628).** Cuid di.<sup>1896</sup> Obair dheisithe agus breiseanna: nóta (i nGaeilge) ar an Aifreann, ‘Eachtra agus Imtheacht Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’ (blogh di), nóta ar Phápaí, ‘Goid Fhinn agus Dhubháin’, nóta gramadaí, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’ (cuid di). 1770, 1780.

**ARÉ 12F51(42) (1103).**<sup>†1897</sup> Dán [le hEoghan Ó Donnghaile].

D’athchóirigh an scríobhaí measartha maith seo, Séamus Mhac Thighearnáin, codanna den lámhscríbhinn bhunaidh—ar ghraf Artúr Ó Cléirceáin (*q.v.*) [? cléireach Caitliceach ó Chill Bhearraigh, Co. na Mí] í—sa bhliain 1770, agus chuir sé cóip de ‘Goid Fhinn is Dhubháin’ léi sa bhliain 1780. Is spéisiúil gur tháinig meath ar a chumas peannaireachta idir an dá linn. Bhí an lámhscríbhinn i seilbh Pheadair

---

<sup>1894</sup> Tá sínithe agus breiseanna ó chúpla léitheoir inti, ach féach an ceann seo ach go háirithe, ‘Brian Mc Closky of Clentagern ... in parish of Dungiven County Derry’, LN G195, lch 432. Tá cóip de i gcló san *N.L.I. Cat.*, v, 69. Síniú eile, ‘Trocaire ó Dhia go bhfaghaidh an té noch do <d’fh>ag íasacht an leabhar so dhosi .i. Tuirrélach Ó Ciaráin ag<us> go si mar aon leó .i. Taidhaig Ó Callanain. Amen’, lch 437.

<sup>1895</sup> Ar chúl na fordhuilleoige, tagann na focail ‘for I do not Gott any thing that’ i ndiaidh an mhéid thuas, ach chealaigh an scríbhneoir iad. Baineann an lámh le deireadh na 17ú hAoise nó le tús na 18ú hAoise.

<sup>1896</sup> Féach nóta 2246.

<sup>1897</sup> Is é rud atá in ARÉ 12F51 (1103), cnuasach de pháipéir a bhaineann le hOireachtas na bliana 1901, an bhliain ar foilsíodh cuntas ar an lámhscríbhinn agus eagrán den dán atá inti in Anon. (1901). An giota lámhscríbhinne sin—rud atá i bpeannaireacht Shéamuis Mhic Thighearnáin, is dóigh liom—tugtar cuid 42 air, agus, sa bhreis ar an gclúdach litreach [= f. 1] ina mbíodh an lámhscríbhinn ar coimeád, tá ceithre dhuilleog iomlána [= ff. 2-4, 6] ann, agus dhá stiall eile [= ff. 5, 7]. Déantar plé ar na foirmeacha canúna sa chuid seo den lámhscríbhinn in Anon. (1901: 90 col. a), agus tugtar cuntas ar an dóigh a bhfuarthas í .i. ar thaobh an róid i Muintir Chonnacht, Co. an Chabháin. Féach fosta de Brún (1969: 561). Tá cuid den chuntas sin i gcló i gCaib. 1.1.3.

Dhúibh Uí Dhálaigh (*q.v.*) ó Cho. na Mí lá ní b'fhaide anonn. Is féidir, toisc go raibh an lámhscríbhinn i gCo. na Mí, más fíor, roimh agus tar éis a linne, gurbh ann a rinne Séamus é féin deisiú uirthi. Fuarthas ARÉ 12F51(42) (1103) ar thaobh an bhealaigh i Muintir Chonnacht, Co. an Chabháin, sa bhliain 1901.

**Mac Aodha Meig Uidhir, Cú Chonnacht:** *féach* Cú Chonnacht Mag Aodha [1]

#### 2.104. Feidhlime Mhag Uidhir, c.1641–

CT H.5.9 (1381). *Blogh di.*<sup>1898</sup> Réamhrá seanmóra. 1698.

Níl againn de shaothar Fheidhlime ach duilleog amháin ar colafon téacs í ó lámh oilte an scríobhaí seo:

Aniudh an seiseadh lá déag do mhi Ianúari, 1698, do chríochnaigheas an leabhránsa, óir as é an préfás so um dhíaigh do bhí chum deiridh dhe, 7 as dóigh nach sgríobhuimsi a uirid eile a nGáoidhilg an feadh a mhairfeadh, óir atáim seacht mblíaghna déag 7 dá fhichiot a cceann chúig seachtmhuine don tSamhradh so chugainn, 7 fágbhuid an leabharsa ag mo charuid .i. an tAthair Tomás Ó Droma óir as e tug aithfrionn ris an stúaigh do sgríobhadh dhe, 7 guidhim é féin agus gach léightheoir ar cheana, a n-onóir Chríosta agus a mhathar .i. Muire Bhaintighearna, fa ghuidhe go duthrachtach re hanam an sgríbhneóra, gidh beó, marbh é .i.

Feidhlime Mhág Uidhir.<sup>1899</sup>

Is dóigh gur rugadh é sa chéad seachtain de mhí an Mheithimh 1641, más beacht an aois a luann sé, ach is beag eile atá ar eolas faoi. Thig linn an sagart seo, an tAth. Tomás Ó Droma, a aithint leis an Ath. Thomas O'Drum (c.1658–) a oirníodh sa bhliain 1683, agus a bhí ina shagart paróiste i gCill Náile, Co. Fhear Manach, sa

---

<sup>1898</sup> Lgh 1-2.

<sup>1899</sup> CT H.5.9 (1381), lgh 1-2. Níl fágtha anois ach na ceithre fhocal deiridh den seanmóir.

bhliain 1704.<sup>1900</sup> Dhealródh sé gur bhain Feidhlime Mhag Uidhir leis an taobh sin tíre fosta.

## 2.105. Peadar Mhag Uidhir, fl.1755

**C Add. 3085 (c-d) (10).** ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh’, dánta, búrdún agus dánfhocail, amhrán Béarla, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’.

1755.

Mhaígh an scríobhaí seo a ghinealas ar Bhrian na nEach Mag Uidhir,<sup>1901</sup> agus tugtar ginealach in *Geinealaighe Fearmanach* a réitíonn go díreach lena bhfuil i lámhscríbhinn Pheadair: Peadar mac Ruaidhrí mhic Conchubhair mhic Fheidhlime mhic Dhonnchaidh Bhallaigh mhic Cormaic mhic Bhriain na nEach Mhig Uidhir. Ó tharla go raibh deartháir Pheadair, Toirdhealbhach Mhag Uidhir (*q.v.*), Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach, ina scríobhaí Gaeilge fosta, agus go raibh aithne aige ar an té a thiomsaigh na ginealaigh sin, Labhrás Ó hArann (*q.v.*), is dóigh gur tháinig an t-eolas ann ón teaghlach sin. Diomaite de nach bhfuil againn ach cóip de ghinealaigh Labhráis Uí Arann a rinneadh as an autograf nuair a bhí sí bearnach,<sup>1902</sup> is féidir go raibh sliocht éigin ar Pheadar, agus cé nach luaitear iad sna ginealaigh, ní

---

<sup>1900</sup> Féach nóta 630 thuas.

<sup>1901</sup> C Add. 3085 (c) (10), f. 152v. Tá cóip den ghinealach in de Brún & Herbert (1986: 20 col. b). Seo na sleachta cuí as *Geinealaighe Fearmanach*:

979. Reamonn dibaid Reamonn, **Donchadh ballach** agus Tomás croin [clann?] **Cormaic mc Briain na neach...**

980. Clann **Fheidhlime mc Donnchadh bhallaigh mc Corbmaic .i. Conchubhar**, Reamonn agus Tomás.

981. *Clann Conchubhair mc Feidhlime .i. Féidhlime óg, Rúghrí* agus Séamus. *Díbaid* Réamonn.

984. Clann **Rúghrí mc Conchubhair .i. Toirdhealbhach, Peadur**, Aindrias agus Pronnsias (Ua Cadhla 1931: 125-6).

<sup>1902</sup> Tá na ginealaigh seo lochtach agus d’fhág Seosamh Ó Longáin, an té a chóipeáil iad, cúpla bearna sa lámhscríbhinn.

deirtear a mhalairt fosta.<sup>1903</sup> Bhí beirt deartháireacha eile ag Peadar agus ag Toirdhealbhadh: Aindrias agus Proinsias. Tá amhrán Béarla a ceapadh ar bhainis Francis Maguire agus Biddy Morrow éigin in C Add. 3085 (c) (10); ní fios an é Proinsias, deartháir an scríobhaí, é an Francis sin.<sup>1904</sup> Is beag atá ar eolas faoi Pheadar é féin, áfach, ach gur dóigh go raibh cónaí air i gCo. Fhear Manach, cosúil lena dheartháir, Toirdhealbhadh. Ba as Inis Mór, Co. Fhear Manach, d'Fheidhlime Mhag Uidhir (Ó Maolagáin 1957: 60), sinseanathair Pheadair. Déanfar plé ar an duine seo sa chuntas ar Thoirdealbhadh Mhag Uidhir.

Thaispeáin Ní Mhaoláin (2008: 40, 57) ina heagrán de 'Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne' agus de 'Deargruathar Chonaill Chearnaigh' go dtéann an chóip de 'Deargruathar Chonaill Chearnaigh' atá in C Add. 3085 (c) (10) go maith leis na cóipeanna eile a grafadh sa cheantar. Dealraíonn sé gur ghráf Peadar lámhscríbhinn eile sa bhliain 1755 a bhí i gcuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh. Cóip de 'Trí Biorghaoithe an Bháis' agus de sheanmóir ar an bPáis ba phríomhábhar di, cóip de 'Oidhe Chloinne hUisneach' agus scéal ar ar tugadh 'Eachtra Dhiarmada Uí Dhuibhne' nach eol dom a bheith ar taifead i lámhscríbhinn eile de chuid an cheantair.<sup>1905</sup> Tugadh mír 844 uirthi i gcatalóg cheant Reeves (1892),<sup>1906</sup> ach chuaigh díom teacht ar an lámhscríbhinn in aon chnuasach poiblí.

---

<sup>1903</sup> Úsáidtear an focal 'díbaid' sna ginealaigh seo le tabhairt le fios nach raibh sliocht (clann mhac) ar dhaoine áirithe. Tugtar samplaí de seo i nóta 1901 thuas. Tugtar liosta páistí do Thoirdealbhadh Mhag Uidhir, deartháir le Peadar Mhag Uidhir an scríobhaí.

<sup>1904</sup> Níl dáta leis an dán, ach níl ann ach dán ócáide, agus glacaim leis nár cumadh é i bhfad sular grafadh an lámhscríbhinn. Bhí deartháir leis an scríobhaí darbh ainm Proinsias; féach nóta 1901 thuas.

<sup>1905</sup> Murab í 'Tóraidheacht Dhiarmada agus Ghráinne' í faoi theideal eile.

<sup>1906</sup> Tá seanchóip den chatalóg sa Leabharlann Náisiúnta.

**2.106. Roibeard Mhag Uidhir, fl.1766-99(?)**

**A** { **ARÉ 23D24 (510).** Cuid di. ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Mearbhall Chormaic ó Theamhair’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh, Donnchadh Mór [Ó Dálaigh], laoithe fiannaíochta. 1776.  
**LB Eg. 182.**<sup>†</sup> Blogh di. ‘An Scáthán Spioradálta’.

**B** { **ARÉ 23A3 (353).**<sup>†</sup> ‘Beatha Mhuire’, ‘Ullmhughadh an Chomaoineacha’, litreacha i nGaeilge.  
**LB Eg. 161.**<sup>†</sup> Cuid di. [‘Taispeánadh Naomh Póil’], ‘Críocha Déanacha an Duine’, dánta le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, ‘Beannchadh Chuile Brighde’, laoithe fiannaíochta, cuid de ‘Seanchas na nApstal’. c.1788.  
**OÉG H10.**<sup>†</sup> Formhór di.<sup>1907</sup> ‘Scáthán an Chrábhaidh’, ‘Seanchas Ghaol Mhuire Ógh’, ‘Beatha na Ban-Naoimhe Coisricthe, Anna Máthair Mhuire Ógh’, ‘Beatha na hOighe Muire’, ‘Beatha Íosa Chríost’, Iomann Féicc agus leagan Nua-Ghaeilge Ristearid Pluincéad, Iomann Broccáin agus leagan Nua-Ghaeilge Ristearid Pluincéad, ‘Gearrseanchas Bheatha Phádraig is Naomha Éireann’, óráid le Naomh Bríd, ‘Seanchas Choluim Chille’, liostaí naomh, féilire, aibítir na Gaeilge, giorrúcháin, ‘litir’ le Muire Mháthair, litir de chuid an Phápa Leo, ‘Dán Brat Mhuire’, nótaí ar an gCoróin Mhuire, ‘Óráid an Nollaig Bhig’,<sup>1908</sup> urnaithe, giota de ‘Teagasg Críosdaidhe’ Bhonanventura Uí Eodhasa, ‘Tiomna Deigheanach ár Naomh-Athair Doiminic dá Chlann Spioradálta’, ‘Dán chum S. Doiminic ár nAthair’, ‘Teastas ar Naomh Tomás na hAquin’, ‘Comhraidhte do Chan S. Tomás’, ‘Briathra Eoin Soiscéalaí san

<sup>1907</sup> An t-íomlán ach na giotaí i lámh Ristearid Pluincéad [2] in OÉG H10(2), lgh 358, 383. Is mine an cuntas a thugaim ar ábhar na lámhscríbhinne seo ná cuid mhaith dá bhfaca muid go dtí seo, ach is dóigh liom gur fiú é, mar gheall ar a neamhghnáiche agus atá sí mar lámhscríbhinn de chuid na 18ú hAoise.

<sup>1908</sup> Mar a chonacthas le cuid de na foirmeacha teanga sna teidil thuas, is fada cuid acu ó cheart na teanga, ach cloítear lena bhfuil sa lámhscríbhinn. ‘Oraid in Nalluic Bhig’ atá sa lámhscríbhinn; b’fhéidir gurbh fhearr ‘Óráid an Nollaig Bheag’ a léamh.

22ú Leabhar de Leabhar na Taispeánta’, ‘Liodán S. Proinsias ár nAthair’,  
réamhrá le Teagasc Críostaí, giotáí Laidine.

Ní hionann an cuntas seo agus cuid mhaith dá bhfaca muid go dtí seo. Ó tharla go mbraitheann an méid eolais is féidir a thabhairt ar Roibeard ar an líon lámhscríbhinní is féidir a leagan air, níl i gceist anseo ach iarracht ar chúig lámhscríbhinn a cheangal leis. Níl síniú le ceithre cinn acu, agus grafadh iad uilig ag amanna éagsúla le linn na ceathrún deiridh den 18ú hAois. Fágann sin go bhfuil difríochtaí beaga sa pheannaireacht, srl., iontu, mar a bheifí ag súil leis. Is gá, ar an ábhar sin, plé mion a dhéanamh ar na ceithre lámhscríbhinn gan síniú leo nó go mbeifear in ann a gceangal le Roibeard. Mar gheall ar dhifríochtaí i gcúrsaí peannaireachta agus eile, déanaim dhá aicme de na lámhscríbhinní. Ní ceist dúinn gur ghraf Roibeard lámhscríbhinn de chuid Ghrúpa **A**, ARÉ 23D24 (510), ó tharla go bhfuil a shíniú uirthi, agus is cosúil go leor an pheannaireacht sa lámhscríbhinn eile atá i nGrúpa **A** lena leagan ar Roibeard fosta. Is iad na lámhscríbhinní i nGrúpa **B** na cinn is deacra, agus is é cuspóir an chuntais seo eolas a sholáthar a ligfeadh dúinn a rá gur ghraf Roibeard na lámhscríbhinní i nGrúpa **B**. Pléim na lámhscríbhinní ceann ar cheann ar dtús.

Grúpa **A**—cuimsíonn an grúpa seo dhá lámhscríbhinn ar féidir iad a leagan ar Roibeard Mhag Uidhir (‘scríobhaí **A**’), ar bhonn na gcolafon atá in ARÉ 23D24 (510), agus tríd an bpeannaireacht in LB Eg. 182 a chur i gcomparáid le ARÉ 23D24 (510). Ceadáítear gnáthchóras ortagrafaíochta na 18ú hAoise iontu, ach tá sliocht chanúint an Tuaiscirt ar chuid de na litrithe atá in ARÉ 23D24 (510), a ngabhann na sínithe ‘Riobhart Mac Guibhear’ agus ‘Riobart Mac Dhuibhfhir’,<sup>1909</sup> agus an dáta

---

<sup>1909</sup> Lgh 35, 52. Is dóigh liom go bhfuil sé le léamh ar an dá litriú seo, *Riobhart Mac Guibhear* agus *Roibeart Mac Dhuibhfhir*, gur iarrachtaí iad ar an ainm *Roibeard Mag Uidhir* a litriú, agus go bhfuil sé le tuiscint astu gur mar /v/ a réalaiigh an scríobhaí an *-dh-* láir sa dara heilimint dá shloinne. Níl sa dara foirm, *Mac Dhuibhfhir*, ach litriú nósúil, is dóigh liom, agus tugadh é i lámhscríbhinn chaillte [de



1776, léi. Rinne Labhrás Mac Giolla Earna (*q.v.*) LB Eg. 182 a dheisiú agus a chríochnú in 1795. Glacaim leis gur litrithe míchruinne iad *Roibhart Mac Guibhear* agus *Riobart Mac Dhuibhfhir* ar *Roibeard Mag Uidhir*. De bharr gur sloinne seanfhréamhaithe de chuid Bhréifne é Mag Uidhir, tá scríobhaí ARÉ 23D24 (510) tugtha ag Ó Buachalla (1975: 23 *n.*15) ina liosta siúd de scríobhaithe a bhfuil sloinnte acu a mheabhródh dúinn gurbh as an dúiche sin dóibh, nó dá sinsir, ach tchífead ar ball go dtuigfí a mhalairt as na tagairtí eile atá againn dó.

Is follas gur bhain scríobhaí **A** leis an dara leath den 18ú hAois agus leis an gceantar; agus is féidir droim láimhe a thabhairt don tuairim a nocht Robin Flower sa *B.M. Cat.*, ii, 594, gur scríobhadh na codanna cuí de LB Eg. 182 i láimh a bhaineann leis an gcéad leath den 18ú hAois, má ghlacann muid leis gurb ionann an pheannaireacht sa lámhscríbhinn seo agus í siúd atá le fáil in ARÉ 23D24 (510). Is casta an scéal maidir lena áit scríofa, agus níl d'eolas againn faoi ach go raibh aithne mhaith aige ar Labhrás Mac Giolla Earna. Áitíodh sa chuntas ar Labhrás thuas gur féidir gur Mhíoch é ar an ábhar go raibh ceangal aige le scríobhaí **B**, ach fágfar an cheist sin ar leataobh go ceann tamaill.

Grúpa **B**—gan síniú ('scríobhaí **B**'). Cuimsíonn an grúpa seo na lámhscríbhinní—ARÉ 23A3 (353), a scríobhadh i ndiaidh na bliana 1767; OÉG H10, a bhfuil téacsanna a chum an Míoch Risteard Pluincéad inti, mar aon le rainn fáin i láimh Risteaird Pluincéad [2], Míoch eile murab é an duine céanna é; LB Eg. 161, a scríobhadh i bpáirt le Labhrás Mac Giolla Earna—tugann an scríobhaí sin an dáta

---

chuid scríobhaí **B**, measaim], OÉG H11, lch 463: *Riobart Mhac Dhubhfhir*. Pléifead an lámhscríbhinn sin ar ball beag.

Cuireann Laoide (1914: 125), ina chuid nótaí ar Ghaeilge na Mí, /v/ síos do '-dh-' (guidhe, Mag Uidhir)', agus tá an réalú céanna ar -dh- láir ar tsloinne seo ar taifead i gcanúintí eile: féach go dtugann Ó hUiginn (1994: 555) le fios gur réalaiigh cainteoir ó Iorras, Co. Mhaigh Eo, *Mhag Uidhir* mar /ə giv 'ir/. Féach fosta an fhoirm 'Glasneyvin' (< *Glas Naoidhean*) atá ar taifead i bhfoinse Béarla a scríobhadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, is cosúil, agus na samplaí gaolmhara a thugann McManus (1994: 352).

1788 dúinn. Níl stíl pheannaireachta na lámhscríbhinní seo ró-éagsúil léi siúd atá i lámhscríbhinní Ghrúpa **A**, ach gur scríobhadh go garbh iad i slí a dtabharfadh le fios dúinn gur breacadh faoi dheifir iad.<sup>1910</sup> Pléifear iad ceann ar cheann anois, ar mhaithe le cibé eolas is féidir a bhaint astu. Tuigeadh don bheirt a scríobh na cuntais chatalóige ar ARÉ 23A3 (353) agus LB Eg. 161 gur leis an Tuaisceart a bhaineann na lámhscríbhinní seo.<sup>1911</sup>

(i) **ARÉ 23A3 (353)**

Imleabhar 402 leathanach atá in ARÉ 23A3 (353): ‘Beatha Mhuire’ agus saothar fada próis, ‘Ullmhughadh an Chomaoineacha’. Tá i gcúl an leabhair sraith litreacha ar scríobhadh ceann acu sa bhliain 1767, ach níl dáta leis an lámhscríbhinn. Baineann cuid mhaith de na litreacha seo le bullaí a d’eisigh an Pápa, agus is dóigh gur scríobhadh mórán acu ar an Mór-Roinn. Téann sé le céill gur aistriúcháin na cóipeanna díobh atá sa lámhscríbhinn seo. Tugtar le fios ó am go chéile an t-imleabhar ina bhfuarthas na litreacha seo, ach níl na sonraí cruinn go leor lena n-aithint, is eagal liom. Na giotáí Laidine atá in ‘Ullmhughadh an Chomaoineacha’,<sup>1912</sup> scríobhadh go cúramach iad sa script ghaelach, agus mheabhródh an pheannaireacht sa chás seo í siúd atá i lámhscríbhinní Ghrúpa **A** don léitheoir.

---

<sup>1910</sup> Tá difríochtaí beaga idir na scrípteanna a úsáidtear i lámhscríbhinní Ghrúpa **A** agus **B**, ach is dearbh go n-aithneofaí na cosúlachtaí atá eatarthu ar an mball. Tá tréithe neamhchoitianta áirithe i gcoitinne eatarthu, m.sh. an stíl chuartha peannaireachta, an chaoi a scríobhtar an litir *d*, bogha mór cruinn na litreach *R*, agus an nós atá ag an scríobhaí na litreacha *a* agus *u* a rith leis an litir *i*.

<sup>1911</sup> Lilian Duncan, *R.I.A. Cat.*, 965; Standish Hayes O’Grady, *B.M. Cat.*, i, 601. Is fiú a lua go bhfuil O’Grady ag trácht ar LB Eg. 161 ina hiomláine, agus ní ar an gcuid di atá i láimh scríobhaí **B** go speisialta.

<sup>1912</sup> ARÉ 23A3 (353), lgh 109-13.

(ii) **LB Eg. 161**

Murab ionann agus ARÉ 23A3 (353), tá meascán lámh sa dá lámhscríbhinn eile de chuid scríobhaí **B**. Seo dáileadh na lámh sna lámhscríbhinní, agus i lámhscríbhinn inspéise eile, LB Eg. 186, dar liom—

	Labhrás Mac Giolla Earna.	Scríobhaí <b>B</b> .	Béarla nó Laidin.	Bán.
LB Eg. 161 [ff. 1-70 i lámha eile].	ff. 79-109b, 124-4b, 146, 147-65b [l. 6], 167 ff., <i>sínithe</i> .	ff. 71-8, 110-23, 125-45b, 165b [l. 7]-166b.	—	ff. 78b, 123b, 135b (breacadaíl), 146b (breacadaíl).
LB Eg. 186.	f. 69.	—	ff. 70-90.	—
OÉG H10.	—	(1) lgh 1-14, 12-433; (2) lgh 1-385.	(2) lgh 386-8 (Laidin).	—

Taispeánann an pheannaireacht in LB Eg. 161 gur ghraf **B** an lámhscríbhinn sin i bpáirt le Labhrás Mac Giolla Earna. Cuimsíonn LB Eg. 161 bloghanna de thrí lámhscríbhinn ar leith: (1) ff. 1-65, ar scríobh Labhrás Ó hArann iad sa bhliain 1778; (2) ff. 66-70, na giotaí a leag Flower, *B.M. Cat.*, ii, 13, ar Phádraig Ó Doibhlin, cé gur dóigh liom gur scríobh Muiris Ó Gormáin (*q.v.*) iad, am éigin tar éis na bliana 1743; (3) ff. 71 ff., ar bhreac scríobhaí **B** agus Labhrás Mac Giolla Earna iad. Tá síniú Labhráis Mhic Giolla Earna, maille leis an dáta 1788, inléite ar f. 157v. Is léir go raibh an bheirt acu ag cuidiú lena chéile, óir bhí lámh acu beirt in aon téacs amháin, ‘Seanchas na nApstal’: tá f. 165v, *ll.* 1-6 i láimh Labhráis, agus an chuid eile den téacs (a stadann ar f. 166v) i láimh scríobhaí **B**, *B.M. Cat.*, i, 629. Mar sin, is dócha gur bhreac scríobhaí **B** cuid den ábhar atá ina láimh in LB Eg. 161 c.1788. Tá easpa leanúnachais ar leith le sonrú sa script in LB Eg. 161 sa dóigh go bhfuil sí i bhfad níos cosúla le peannaireacht scríobhaí **A** i gcúpla áit ná na lámhscríbhinní eile i nGrúpa **B**. Ceadaítear córas bréagarsa litrithe i lámhscríbhinní Ghrúpa **B**: m.sh. scríobhtar *in* le haghaidh an ailt san uimhir uatha; agus ba bheag le scríobhaí **B**

sleamhnóga—féach go scríobhann sé *-e-* (nó *-i-*) go meicniúil in ionad *-ea-*, *-ei-*, srl., ach taispeánann na tréithe canúna iontu gur bhreac scríobhaí ón gceantar seo iad. Tá easpa leanúnachais in LB Eg. 161 ó thaobh na hortagrafaíochta fosta.

### (iii) OÉG H10

Cóip de *Scáthán an Chrábhaidh* (1616), agus meascán d'ábhar cráifeach eile atá in OÉG H10, a fhorhóir i nGaeilge, mar aon le cúpla giota Laidine: tráchtas agus beathaí naomh a bheadh fóirsteanach don ghnáthléitheoir atá i gcuid den ábhar. Ábhar cainte don seanmóirí atá i gcuid mhaith de na téacsanna eile. Tá féilire sa lámhscríbhinn fosta.<sup>1913</sup> Ó tharla gur scríobhadh an t-imleabhar seo, nó cuid de, roimh an mbliain 1783, mar a léireofar thíos, is ábhar spéise go bhfuil inti cóipeanna de na leaganacha Nua-Ghaeilge a réitigh Risteard Pluincéad de na hiomann ar Naomh Pádraig agus Naomh Bríd atá sa *Liber Hymnorum, Rugadh Pádraig i dTur Neamhdha* agus *Níor ghrádhaidh Brighid buadhach an saoghal*.<sup>1914</sup> Táthar ar an eolas gurbh as Co. na Mí do Risteard Pluincéad ó scríobh O'Reilly (1820: xxxiii) nóta air in *Irish Writers*. Phléigh Sharpe (2017a) an dá théacs seo in alt le déanaí, ina dtugtar le fios nach bhfuil ach eagrán clóite amháin de shaothar Risteard againn, a priontáladh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1791, cé gur féidir go raibh fáil ar an dá iomann i bhfoirm scríofa nó chlóite chomh fada siar leis an mbliain 1784. Tá, mar gheall air sin, tábhacht ar leith ag baint leis an dá chóip atá in OÉG H10, óir taispeánann siad go raibh an dá leagan socraithe faoi dheireadh na bliana 1783, cé nach fios dúinn go raibh fáil orthu go forleathan an t-am sin. Formhór na gcóipeanna a grafadh i ndiaidh do Risteard an saothar a chur i gcló, fiú, is i lámhscríbhinní de chuid Cho. na Mí a fhaightear iad, agus ó tharla gur scríobhadh an chóip atá in OÉG

<sup>1913</sup> OÉG H10(2), lch 349. Deirtear sa *de Búrca Cat.*, 183, nach ionann é agus an féilire a réitigh Mícheál Ó Cléirigh.

<sup>1914</sup> OÉG H10(2), lgh 310, 325.

H10 roimhe sin, is dóigh gur leid iontach substaintiúil é sin gur grafadh OÉG H10 i gCo. na Mí, agus go mbaineann scríobhaí **B** leis an taobh sin tíre fosta.

Tá dornán beag lámhscríbhinní agus gíotaí againn ó scoláire eile de chuid Cho. na Mí a bhí ina bheatha sa dara leath den 18ú hAois. Risteard Pluincéad [2] a thugadh sé air féin, agus is féidir a léiriú go raibh aithne aige ar chuid mhaith scríobhaithe a bhí lonnaithe thart faoi Bhaile Shláine i gCo. na Mí, agus ar Christóir Aindreamha ó Dhroichead Átha. Déantar plé ar bheatha Risteaird Pluincéad [2] i gCaib. 2.226 thíos, áit a ndéantar iarracht é a aithint leis an té a réitigh na haistriúcháin thuas, rud a chuaigh díom a dhéanamh go glan. Murab é gurb iad an duine céanna iad Risteard na n-iomann agus Risteard Pluincéad [2], déarfainn fós gur bhain siad leis an ngrúpa céanna scríobhaithe. Tá in dhá áit in OÉG H10 gíotaí de dhánta i láimh Risteaird Pluincéad [2],<sup>1915</sup> sa dóigh gurb eol dúinn go raibh OÉG H10 i gCo. na Mí sa cheathrú dheiridh den 18ú hAois, nó sa chéad cheathrú den 19ú hAois. Scríobh Risteard Pluincéad [2] cuid mhaith ábhar in OÉG H9 fosta.<sup>1916</sup> Tá faisnéis inmheánach eile in OÉG H10 gur lámhscríbhinn de chuid Cho. na Mí í, agus gur féidir go mbaineann sí le hoirthear an chontae sin, nó go raibh sí ann lá den saol.

De bhreis air sin, is féidir a chruthú go raibh scríobhaí **B** ag cóipeáil codanna de na lámhscríbhinní seo chomh luath leis an mbliain 1783, de bharr an dá nóta a chuir Patrick Duff, ‘Roachestown’, le OÉG H10. Tugann an chéad nóta, ‘Patrick Duff 1783’,<sup>1917</sup> le fios dúinn go raibh an lámhscríbhinn críochnaithe ag scríobhaí **B** faoin mbliain 1783; deirtear sa dara nóta go raibh an lámhscríbhinn ar iasacht aige arís in 1808, agus go bhfuair sé í ó Richard Kearns, Cill Bhearraigh,

---

<sup>1915</sup> OÉG H10(2), lgh 358 (cuid de dhán le Séamus Mac Cuarta), 383 (urnaí).

<sup>1916</sup> Féach nóta 3314.

<sup>1917</sup> OÉG H10(2), lch 389.

Scriptum per me Patrick Duff, Roachestown, May the 25<sup>th</sup>, 1808. Borrowed from Richard Kearns of Kilberr<y>. I wish him health, wealth & prosperity to himself & family.<sup>1918</sup>

Níl aon eolas ar fáil faoi Richard Kearns. Tá dhá bhaile fearainn ar a dtugtar ‘Rochestown’ i dTuaisceart Laighean: ceann amháin i bparóiste Lickbla,<sup>1919</sup> barúntacht Bhaile Fhobhair, i dtuaisceart Cho. na hIarmhí; agus ceann eile i bparóiste Bhaile an Ghearlánaigh, barúntacht Bhaile Shláine Uacht., i gCo. na Mí. Ós rud é nach bhfuil Cill Bhearraigh ach achar gearr ó Bhaile Shláine, agus gurb eol dúinn ar fhaisnéis LB Eg. 161 gur ghráf scríobhaí **B** codanna di c.1788, is dócha go raibh an lámhscríbhinn seo, OÉG H10, á léamh ag Patrick Duff i gCo. na Mí *le linn don scríobhaí a bheith ina bheatha*. Tá sé le tuiscint as sin, agus as na tagairtí in LB Eg. 161, go raibh scríobhaí **B** beo idir 1783 agus c.1788, gur dóigh gur Mhíoch é, agus go raibh sé mór le Labhrás Mac Giolla Earna. Is ar an ábhar sin go príomha a áitíodh sa chuntas ar Labhrás thuas gur dóigh gur Mhíoch é—an ceangal atá aige le scríobhaí **B**.

I measc an ábhair sna lámhscríbhinní OÉG H10 agus LB Eg. 186, tá seanmóirí Béarla (agus téacs Laidine in OÉG H10) i script rómhánach a thugann le fios gur scríbhneoir oilte é scríobhaí **B**. Níl ábhar Gaeilge in LB Eg. 186 agus níor áiríodh í, mar sin, sa liosta thuas. Ceanglaíodh giotáí beaga Gaeilge agus Béarla i láimh Lábhrais Mhic Giolla Earna le LB Eg. 186, díreach roimh na seanmóirí seo, agus deimhníonn an pheannaireacht dúinn nár scríobh Labhrás na seanmóirí Béarla in LB Eg. 186, ná an t-ábhar Laidine in OÉG H10. Tagann de sin nach leis an t-ábhar Gaeilge i lámhscríbhinní Ghrúpa **B** fosta, má bhí gá lena áiteamh.

---

<sup>1918</sup> OÉG H10, fordhuilleog chúil, gan uimhir.

<sup>1919</sup> Níl aon eolas ar fáil a ligfeadh dúinn leagan maith Gaeilge a thabhairt. Cloítear leis an leagan Béarla.

Thuigfí ó ábhar lámhscríbhinní Ghrúpa **B** gur scríobh cléireach Caitliceach iad. Tá cóipeanna de chomhfhreagras idir dhá choláiste ar an Mór-Roinn in ARÉ 23A3 (353), agus cnuasach mór urnaithe agus naomhsheanchais in OÉG H10. Maidir leis na lámhscríbhinní i nGrúpa **A**, cé go bhfuil cóip den ‘Scáthán Spioradálta’ in LB Eg. 182, is ar éigean a d’fhéadfaí a rá go gcaithfidh sé gur scríobh sagart iad, toisc gur scríobh tuataí cóipeanna den téacs seo fosta, m.sh. Seon Mhac Solaidh (*q.v.*). Ábhar saolta atá sna lámhscríbhinní ARÉ 23D24 (510) agus LB Eg. 161 den chuid is mó, agus tá an-chuid laoihe fiannaíochta iontu araon. Chuaigh díom tagairt ar bith a aimsiú do shagart darbh ainm ‘Robert Maguire’ ar féidir é a cheangal le Tuaisceart Laighean nó leis an tréimhse atá i gceist againn.<sup>1920</sup>

Áirítear trí lámhscríbhinn faoi **B** thuas, ach is é is dóigh liom go raibh lámhscríbhinn eile de chuid an ghrúpa sin ann sna 1920í, ní a chuaigh ar seachrán am éigin idir 1927 agus c.1949. OÉG H11 a bhí ar an lámhscríbhinn, agus bhain sí, ar ndóigh, le cnuasach Dhubhglais de hÍde lá den saol. Tá gach cosúlacht ar an scéal, ó thaobh an ábhair gur chineál de pháirtí le OÉG H10 a bhí inti. Ní eile, is follas ó na céadlínte a thugtar sa chatalóg a scríobh Áine de Búrca isteach sa *de Búrca Cat.*, 194-246, ar OÉG H11, nuair a bhí sí fós i gcnuasach Dhubhglais de hÍde, go bhfuil na tréithe ortagrafaíochta céanna inti agus atá i lámhscríbhinní Ghrúpa **B**. Léiríonn cuid den ábhar a bhí inti, m.sh. *Fech conor na ndilg maol* [= *Féach coróin na ndealg maol*] le Séamus Mac Cuarta (?),<sup>1921</sup> gur ghráf scríobhaí de chuid Oiriaila nó na Mí í. B’fhéidir gur fiú a lua gur i lámhscríbhinní dheisceart Cho. na Mí go príomha san

---

<sup>1920</sup> Díríodh ar thaifid na gcoláistí go mór anseo, tharla gurb iomláine iad, de ghnáth, ná taifid na nDeoisí, ach tá taifid roinnt mhaith de na coláistí móra, m.sh. Salamanca agus Páras, cailte a bheag nó a mhór, iad siúd a bhaineann le lár na 18ú hAoise ina measc.

<sup>1921</sup> OÉG H11(1), lch 436; féach an *de Búrca Cat.*, 222.

18ú hAois a fhaightear trí théacs eile a bhí inti, ‘An Scáthán Spioradálta’,<sup>1922</sup> ‘Úirscéal ar an Aithridhe’,<sup>1923</sup> agus *Ó pheaca an dís ór shíolraigh a dtáinic ariamh*,<sup>1924</sup> ach ní hionann sin agus a rá nach bhfuil fáil orthu i gcúpla lámhscríbhinn eile a grafadh taobh amuigh den dúiche sin. Ní heol dom go bhfuil an giota ‘Beannchadh Chuile Brighde’ i lámhscríbhinn eile ar bith seachas LB Eg. 161,<sup>1925</sup> agus is i bpeannaireacht scríobhaí **B** atá sé sa lámhscríbhinn sin. Píosa eile atá sa lámhscríbhinn sin agus in OÉG H11 is ea an leagan Gaeilge de *Visio Sancti Pauli*, ‘Críocha Déanacha an Duine ag a mBí Drochbheatha’.<sup>1926</sup> Tugtar ‘Taispeánadh Naomh Póil’ air i lámhscríbhinní eile. Ba ar an ábhar sin a d’aithin de Brún, *Treoir*. 20 §62, OÉG H11 leis an imleabhar as ar chuir Hyde (1906a: 318-49) an saothar sin i gcló, mar aon le tiontú Béarla. Tugann Hyde (1906a: 314, 316) an cuntas seo a leanas ar an lámhscríbhinn,

Ag so sgéal an-iongantach ar an nidh sin, do fuair mé as sean-láimhsgríbhinn do cheannuigh mé ó fhear i gCondae na Midhe. I Leith Chuinn do sgríobhadh í, acht ní fhéadaim a rádh an sgríbhinn Chonnachtach í. Is dóigh liom go bhfuil an leabhar so idir dá chéad 7 tri [*sic*] chéad bliadhain d’aois, acht is sine go mór an chaint atá ann ’ná an sgríbhinn féin, mar is follus ó na sean-fhoirmibh atá innti, mar “tainigset,” 7c. ... Ní mheasaim go bhfuil aon chóip eile d’Aisling Naoimh Pól cosmhuil leis an gcóip seo. ...

<sup>1922</sup> OÉG H11(1), lch 242; *de Búrca Cat.*, 203. ‘In Sgathan Spirodalta’ a thugtar air sa lámhscríbhinn. Tá eolas breise ar an saothar seo in Ó Tuathail (1936a) agus san *N.L.I. Cat.*, ii, 97, áit a luaitear cúpla cóip ó Cho. na Mí, agus cóip Mhuimhneach, ach is féidir cur leis sin. Tréith de chuid na gcóipeanna a rinneadh i ndeisceart Cho. na Mí san 18ú hAois is ea go bhfuil colafon an údair cóipeáilte isteach iontu, ach ní féidir, ar an eolas a thugtar sa *de Búrca Cat.*, 203, a dhéanamh amach go raibh an colafon in OÉG H11.

<sup>1923</sup> OÉG H11(1), lch 296; *de Búrca Cat.*, 204. Glacaim leis gurb ionann an giota sin, ‘Uirsgeul ar an Aithridh’, agus an fabhalscéal darbh ainm sin atá in ARÉ 23K24 (59), lch 151 [cóip in ARÉ 23O79 (1388), lch 165].

<sup>1924</sup> OÉG H11(1), lch 433; *de Búrca Cat.*, 222. Litriú OÉG H11: *O pheaca in dís o ar shiola* [*sic*] a *ttanic iriamh*, agus tá cóip eile in ARÉ 23K24 (59), lch 32 [cóip in ARÉ 23O79 (1388), lch 44], agus i lámhscríbhinn eile dá pór, LN G32, lch 187.

<sup>1925</sup> OÉG H11(1), lch 411; *de Búrca Cat.*, 216-17. ‘Bennacha Chuile Brighde’ sa lámhscríbhinn, agus tá cóip eile darbh ainm sin, agus i bpeannaireacht scríobhaí **B**, in LB Eg. 161, f. 123. Féach an *B.M. Cat.*, i, 624-5, áit ar cuireadh cló uirthi.

<sup>1926</sup> OÉG H11(1), lch 164; *de Búrca Cat.*, 201. ‘Críocha Deghna in Duine ag mBí Drochbheatha’.



Diomaite de go bhfuil cúpla seanfhoirm sa téacs, is follas ó chuid de léamha na lámhscríbhinne a thugtar sna fonótaí gur chuir an litriú, litriú idir bhréagársa agus chanúnach, de hÍde amú maidir le haois na lámhscríbhinne; agus tá an chuma ar chuid de na léamha seo gurbh ó pheann an té a ghraf OÉG H10, LB Eg. 161, srl. a tháinig siad. Tá an litriú seo curtha i bhfeidhm go measartha córasach ag scríobhaí **B** i gcás OÉG H11, de réir chéadlínte na dtéacsanna mar atá siad sa *de Búrca Cat.*, 194-246. B'fhiú cuimhneamh air gur ceapadh cuid mhaith de na téacsanna a bhí in OÉG H11 sa 17ú hAois agus san 18ú hAois.<sup>1927</sup> Tá sé de dhea-ádh orainn gur thug Áine de Búrca, *de Búrca Cat.*, 194-5, cuntas beacht ar cholafon atá in OÉG H11, ní a thuig sí a bheith i bpeannaireacht an scríobhaí,

The MS. measures 6" x 4" x 2" and is bound in red leather and skin. At present it contains 642 pages among which are 16 blank ones. ... The writing all through the MS. has several traits in common, but it cannot be said with certainty to be the work of one scribe. The only real evidence of the scribe's name is found on [Cuid 1]<sup>1928</sup> p. 465 as follows, "Oidhche feile ro sholomona Mhuire Sliabh Carmel. Iul 16: 1799. Riobart Mhac Dhubhfhir." His may be the only hand found in the MS. but the writing varies considerably. A less satisfactory note is that on [Cuid 1] p. 343, "Bermingham August the 9<sup>th</sup> One thousand eight hundred(?) M<sup>r</sup> Thomas Maguire is at your desire."<sup>1929</sup>

*Riobhart Mhac Dhubhfhir*: an litriú céanna, beagnach, agus a bhí ag scríobhaí **A** nuair a ghraf sé a chuid de ARÉ 23D24 (510) sa bhliain 1776.<sup>1930</sup> Tá cosúlachtaí beathaisnéise idir scríobhaithe **A** agus **B**. D'fhéadfaí a áiteamh, mar sin, gur ghraf scríobhaí amháin lámhscríbhinní Ghrúpa **A** agus **B**, gur breacadh na lámhscríbhinní i

---

<sup>1927</sup> An dán *Féach coróin na ndealg maol*, mar shampla.

<sup>1928</sup> Bhí dhá chuid sa lámhscríbhinn seo; féach an *de Búrca Cat.*, 194.

<sup>1929</sup> *de Búrca Cat.*, 194-5. Féach fosta an sliocht seo a leanas a phléann nóta a scríobhadh i gcuid 1, lch 463 den lámhscríbhinn: 'A prayer which is an act of consecration to the Blessed Virgin. The scribe gives his name here as 'Riobart mhac Dhubhfhir' and inserts it in the act of consecration, which begins "A ogh ro bhen[naighte] Muire! A mhathar de, mise Ribart N.N. ó nach fiu mé mo ainim a bheth scribhtha a mesg do fhedhmana', *de Búrca Cat.*, 226-7. Maidir leis an gcolafon ar lch 465, féach i georp an chuntais thuas.

<sup>1930</sup> Mar a luadh thuas, bhí an scríobhaí in amhras faoin dóigh ar chóir dó a ainm a litriú nuair a scríobh sé ARÉ 23D24 (510) sa bhliain 1776.

nGrúpa **B** níos faide ar aghaidh i saol an scríobhaí, agus gur breacadh LB Eg. 161 idir an dá linn. Bhí cosúlachtaí idir na ceangail a bhí ar OÉG H10 agus OÉG H11 nuair a scríobhadh cuntais chatalóige orthu sa *de Búrca Cat.*, 172-246, agus dhealródh sé go raibh nasc seanbhunaithe acu lena chéile. Is féidir a léiriú go raibh na lámhscríbhinní OÉG H9 agus OÉG H10 idir lámha ag Risteard Pluincéad [2] (*q.v.*) tráth, agus is féidir go bhfuair Dubhglas de hÍde seilbh ar an dá lámhscríbhinn seo, agus OÉG H11, ón bhfoinse chéanna.

Caithfear a lua, áfach, nach dtugann Áine de Búrca le fios sa chatalóg go raibh aon nasc idir an dá lámhscríbhinn OÉG H10 agus OÉG H11, nó go raibh cosúlachtaí peannaireachta eatarthu, ach dealraíonn sé nár bhac sí lena leithéid sin a chur in iúl agus an chatalóg á hullmhú aici.<sup>1931</sup> An méid sin ráite, ní dóigh liom gur fiú linn a cheistiú: (i) gur ghráf duine darbh ainm *Riobart Mhac Dhubhfhir* lámhscríbhinní Ghrúpa **B**, má tá muid sásta a chreidiúint gur ghráf an duine céanna OÉG H10 agus OÉG H11; agus gur dóigh (ii) gur Mhíoch é *Riobart*, a bhí beo sa dara leath den 18ú hAois. Fágann sin, is dóigh liom, (iii) gurb aon duine amháin iad scríobhaithe **A** agus **B**, agus gurb é *Roibeard Mhag Uidhir* an leagan ceart dá ainm. Níor bheag an dua a bheadh orainn sin a dhearbhu nó a bhreagnú ar stíleanna litrithe ná peannaireachta an scríobhaí ach faille a bheith againn ábhar OÉG H11 a léamh. Tugann céadlínte na dtéacsanna a d'athscríobh Áine de Búrca sa chatalóg le fios go raibh stíleanna éagsúla litrithe á gceadú sa lámhscríbhinn seo,<sup>1932</sup> ach réitíonn céadlínte na dtéacsanna a bhaineann leis an gcuid sin den lámhscríbhinn inar scríobhadh an colafon thuas leis na saintréithe a luadh le scríobhaí **B** thuas.

---

<sup>1931</sup> Níor aithin sí peannaireacht Risteard Pluincéad [2] ar na gíotaí gearra a scríobh sé in OÉG H10 fosta, agus is eol dúinn go bhfuil lámhscríbhinn eile leis, OÉG H9, sa chnuasach sin.

<sup>1932</sup> Cuimhnítear air gur tréith í seo a bhaineann le LB Eg. 161 fosta.

**2.107. Séamus Bacach Mhag Uidhir,**<sup>1933</sup> *fl.*1712-46<sup>1934</sup>

**ARÉ 23K46 (c) (38).**\* ‘Cath Maighe Léana’ (neamhiomlán).

**ARÉ 23A15 (46).**<sup>1935</sup> ‘Beatha Brighde’, ‘Beatha Phádraig’, filíocht

chráifeach. 1712. Do *Bhrian Mhag Uidhir*.<sup>1936</sup>

---

<sup>1933</sup> Cuid mhaith de na lámhscríbhinní a thugtar thuas faoi ainm an scríobhaí, tá a dtosach agus a ndeireadh ar lár, agus colafoin údarásacha an scríobhaí imithe leo.

Ó tharla go raibh cáil ar Shéamus Bacach Mhag Uidhir mar scríobhaí bisiúil cumasach Gaeilge chomh fada siar leis an 19ú hAois, fágann sin gur féidir go raibh cláraitheoirí lámhscríbhinní giota beag róchfocrach lámhscríbhinní a leagan air nuair nach raibh iontu ach ábhar gaolmhar lena bhfuil i lámhscríbhinní Shéamuis Bhacaigh, agus gur féidir gur leagadh lámhscríbhinní air nach raibh lámh ar bith aige iontu. Is dóigh gur dá bharr sin a tchíonn muid go mbíonn cláraitheoirí lámhscríbhinní Acadamh Ríoga na hÉireann faicheallach faoi chuid de na lámhscríbhinní a luadh le Séamus Bacach i gcatalóga lámhscríofa na droinge a tháinig rompu, nó féach ar ar scríobhadh sa chatalóg faoi ARÉ 23M42 (347) agus ARÉ 23A30 (363) faoi seach: ‘Scribe unknown (H. and S. Catalogue suggests James Maguire of Co. Cavan)’, *R.I.A. Cat.*, 954; agus ‘There is no subscriptio, but the writing is like that of James Maguire, and Fr. McKenna (I.T.S., xx) attributes the MS. to him’, *R.I.A. Cat.*, 989. Sin McKenna (1918: xiii), agus deir sé áit eile go raibh ARÉ 23A30 (363) [? agus ARÉ 23K46 (b) (481)] ar na cóipeanna ab fhéarr a bhí ar a ghar aige (McKenna 1918: xvii). Bhí Ó Muraíle (2006) iontach cúramach ó thaobh cúrsaí peannaireachta de, agus tá na lámhscríbhinní a leagtar ar Shéamus Bacach Mhag Uidhir aicmithe go cruinn aige san alt, áit a bhfuil tuilleadh eolais ar fáil fúthu agus faoi léitheoirí eile ar leo iad uair.

Is féidir go bhfuil COBÁC C5, ar an bpeannaireacht, le cur leis an liosta lámhscríbhinní a thugtar thuas, ach b’fhéarr gan sin a dhéanamh go dtí go ndéanfar scrúdú ó bhonn ar pheannaireacht lámhscríbhinní Shéamuis Bhacaigh Mhag Uidhir agus a chuid comhghleacaithe. Grafadh sa bhliain 1733 í, ach níl colafoin údarásach inti. Tá mé sásta, cibé rud é, nár ghráf Feidhlim Ó Dobhailín í, nó ‘Pilip Ó Doailén?’ mar a deirtear sa *Hayes Cat.*, 694 col. c, óir deirtear sa lámhscríbhinn féin, COBÁC C5, lch 26, gurbh eisean a thug faoi deara a scríofa, rud a thabharfadh le fios dúinn gurbh é pátrún na lámhscríbhinní é:

Phelem O Doailen tug fa *dear* an leabhrán *beag* so do sgríobha .i. mac Giolla Phadruig *mhic* Feidhlimidh ...

Thuairmigh Mhág Craith (1980: 127, 136, 149, 193, 242) gur ghráf Feidhlime Ó Daoiléin agus Risteard Tuibear codanna di scaití—thig linn a rá nach raibh baint ar bith ag Risteard Tuibear lena scríobh. Is cosúil gur chuir Mhág Craith (1980) COBÁC C5 agus COBÁC C15 trína chéile. Féach an cuntas gearr a thugtar ar Thoirdealbhadh Ó Dobhailín.

<sup>1934</sup> Luann Watson (1979: 189) an dáta 1759 le ARÉ 23A30 (363), ach is dóigh gur bunaíodh sin ar nóta fáin a scríobh John Dolan éigin ar lch 59 an 5 Eanáir 1759. Ba le Charles Dolan éigin ARÉ 23A30 (363) uair, de réir nóta Laidine a scríobhadh ar lch 150, ach níl dáta leis. Is spéisiúil gur chaith an lámhscríbhinn seo, a grafadh i mBreifne san 18ú hAois, tréimhse i seilbh ‘The Revd. Doncan McArthur of Tromra, Maigh Rath in County Down and ... Armagh’; féach an *R.I.A. Cat.*, 990.

<sup>1935</sup> Mar gheall ar uimhriú bunaidh na leathanach sa lámhscríbhinn seo, 275-368, thig linn a bheith cinnte nach bhfuil againn anseo ach cuid de lámhscríbhinn a ghráf Séamus Bacach do Bhrian Mhag Uidhir; ní fios cá ndeachaigh a mórchuid. D’fhéadfadh sé gurbh í seo an chuid deiridh den lámhscríbhinn mar a chuir Séamus de í, toisc gur fhág sé bán an taobh eile (.i. lch 366) den duilleog ar ar scríobh sé a cholafon (.i. ar lch 365), agus gur sheanduilleog eile lgh 367-8.

<sup>1936</sup> Duine de na pátrúin ba thábhachtaí a bhí ag díol le scríobhaithe Gaeilge sa chéad cheathrú den 18ú hAois, tá clú ar Bhrian Mhag Uidhir mac Conchubhair Mhodartha (*fl.*1701-21) ó chuir Ó Duinnín (1917) an tráchtas ‘Meguidhir Fhearmanach’ i gcló, áit a ndéantar dianiarracht uaisleacht agus stádas Bhriain a dhaingniú, ó tharla nár tháinig ardú céime ar a mhuintir go dtí an 17ú hAois. Tréith í sin atá le brath ar chuid mhaith de na réamhaistí moltacha atá leis na lámhscríbhinní a grafadh do Bhrian; glactar leis gurbh é Séamus Bacach Mhag Uidhir an scríobhaí ba thábhachtaí a bhí aige. Bhí Séamus Bacach ag grafadh lámhscríbhinní dó idir na blianta 1712 agus 1721. Déantar tagairt do phátrúin darbh ainm Brian M(h)ag Uidhir a bheith ag díol le scríobhaithe sa 17ú hAois agus san 18ú hAois,

- ARÉ 23O41 (181).** ‘Beatha Mhuire’, ‘Beatha San Proinsias’, ‘Beatha Ghreallain’, ‘Beatha Maodhóige’, ‘Vita San Seoirse’. An Dúbaile,<sup>1937</sup> Co. an Chabháin 1720-1. [Do *Bhrian Mhag Uidhir*].<sup>1938</sup>
- ARÉ 23M4 (332).**<sup>†</sup> Blogh di.<sup>1939</sup> Giota de laoi fiannaíochta, dhá dhánfhocal.
- ARÉ 23M42 (347).**<sup>\*</sup><sup>1940</sup> Dán Sheáin Uí Dhubhagáin, agus leagan próis Ghiolla Phádraig Uí Luinín, dán [le Giolla na Naomh Ó hUidhrín].<sup>1941</sup>

agus is údar mearbhaill go mór gurbh as Co. Fhear Manach dóibh uilig, agus gur chuir siad spéis i dtéacsanna staire. Triúr acu a bhí ann—

**(1) Brian Mag Uidhir mac Conchubhair** (*ob.*1633), Tighearna Inis Ceithleann. Is eisean an té a bhí ina phátrún ar leagan Uí Chléirigh den ‘Leabhar Gabhála’ (1631). Bhí *Giolla Phádraig Ó Luinín* ó Ard Uí Luinín mar ollamh aige, an té a chuidigh leis na Ceithre Máistrí codanna den saothar sin a scríobh agus a ghlanadh. Féach nóta 3055. Tugtar eolas faoi agus faoin gceangal a bhí aige le *Giolla Phádraig Ó Luinín* in Walsh (1947: 241-5), agus Breatnach (2010a: 5 n.14).

**(2) Brian Mag Uidhir mhic Con Chonnacht** (*ob.*1655) ó Thulaigh Mhaoil. Duine muinteartha le Brian (1). Is é Brian (2) an té a ghlac *Pádraig Ballach Ó Luinín*—arb ionann é, is dóigh, agus *Giolla Phádraig Ó Luinín*—chuige (ARÉ C.vi.1(1), lch 1; féach nóta 3055), agus a chuir é agus Brian Óg Ó Cianáin ag obair ar lámhscríbhinní a ghráfadh sa bhliain 1638. Ba faoina shúil a scríobh *Giolla Phádraig Ó Luinín* (ARÉ C.vi.1(2) (936), lch 447) an leagan próis de *Triallam timcheall na Fódhla*. Na ‘hollúna’ seo *Giolla Phádraig* agus *Pádraig Ballach*, glacaim leis gurb aon duine amháin iad, agus tugaim *Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín* (*fl.*1631-54) air. Deir Labhrás Ó hArann (*q.v.*) ó Cho. Fhear Manach, an té a scríobh *Geinealaighe Fearmanach* (? 1809), gur mac é féin le Siúdhan iníon Chonchubhair mhic Phiarais mhic Giolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín (Ua Cadhla 1931: 68). Baineann an *Giolla Phádraig Ballach* seo leis an gcéad leath den 17ú hAois, agus ba scoláire ó Cho. Fhear Manach é. Tugtar an-chuid nótaí ar a bheathaisnéis agus ar a chuid lámhscríbhinní in Ó Gallachair (1959: 475-6).

**(3) Brian Mhag Uidhir mac Conchubhair Mhodartha** (*fl.*1701-21) ó Chnoc Ninne. An pátrún dár ghráf Séamus Bacach Mhag Uidhir lámhscríbhinní, ach níorbh é Séamus Bacach an t-aon duine a bhí ag obair dó.

B’fhairsing an feachtas cóipeála a chuir sé ar bun, agus tá ocht lámhscríbhinn againn a grafadh dó. Scríobh cúigear scríobhaithe tofa de chuid an Tuaiscirt iad dó idir na blianta 1701 agus 1721: Eoghan Ó Raghallaigh (1701-2), Énrí Ó Caiside (1703), Séamus Bacach Mhag Uidhir (1712-21), Seán Mag Shamhradháin (1715-18), agus Toirdhealbhadh Ó Dobhailín (1718). Rinne Cunningham & Gillespie (1988) mórán taighde ar lámhscríbhinní Bhriain agus ar a mhuintir, agus tá taispeánta acu nár theaghlach cumhachtach iad go dtí an chéad leath den 17ú hAois. Iarracht ar shampla Bhriain Mhag Uidhir Thulaigh Mhaoil (2) a leanúint ab ábhar leis an bpátrúnacht fhlaithiúil a thug Brian mac Conchubhair Mhodartha (3) do na scríobhaithe seo, agus is dóigh leo go bhfuil corradh agus 2000 leathanach den chnuasach againn. Ba ó lámhscríbhinní Thulaigh Mhaoil, na cinn a thug Brian Mag Uidhir mac Con Chonnacht (2) faoi deara a scríofa sa bhliain 1638 a fuarthas ábhar na lámhscríbhinní is tábhachtaí a grafadh do Bhrian Mhag Uidhir mac Conchubhair Mhodartha (3), ARÉ C.vi.1 (936), sa bhliain 1718. Bhí léas ag Conchubhar Modartha Mag Uidhir chomh fada siar leis an mbliain 1629, dar le Cunningham & Gillespie (1988: 40), agus rugadh páistí Bhriain idir na blianta 1685 agus 1699; tugtar a gcuid ainmneacha agus dátaí breithe in ARÉ C.vi.2 (582), lch 368. Bhí léas ag Brian ar an Dúbaile ina dhiaidh sin, áit a raibh Séamus Bacach Mhag Uidhir ag grafadh lámhscríbhinní idir na blianta 1713 agus 1721 (féach nóta 1955); cailleadh Brian am éigin idir na blianta 1721 agus 1726 (Cunningham & Gillespie 1988: 41).

<sup>1937</sup> ‘A nDúbaile mo log’, ARÉ 23O41 (181), lch 100 col. b.

<sup>1938</sup> Is leor briathra Cunningham & Gillespie (1988: 41 n.18) a lua, ‘Although this manuscript does not name Brian Maguire it was almost certainly written for him, since it was compiled on his property at Doobally by his usual scribe, Seamus Mac Guidhir, and was later owned by Brian’s grandson, the same Ignatius Maguire who owned some of the other manuscripts’. B’iarua le deartháir le Brian Mhag Uidhir é Ignatius Maguire.

<sup>1939</sup> Lgh 127-8. Duilleog fáin i measc pháipéir Mhuiris Uí Ghormáin.

**ARÉ 23A30 (363).**\*<sup>1942</sup> Formhór di.<sup>1943</sup> ‘Iomarbhágh na bhFileadh’, ‘Mac na Míchomhairle’.<sup>1944</sup>

**ARÉ 23K45 (b) (481).** ‘Iomarbhágh na bhFileadh’, ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh), ‘Teaccasc Ríocch Sholamain’, dán Sheáin Uí Dhubhagáin, agus leagan próis Ghiolla Phádraig Uí Luinín, dán Ghiolla na Naomh Uí Uidhrín. 1746.

**ARÉ 23K48 (547).**\*<sup>1945</sup> ‘An Bheatha Dhiadha’ (neamhiomlán).<sup>1946</sup>

**ARÉ C.vi.2 (582).** ‘Leabhar na nGenealach’ (ginealaigh an Dubhultaigh Mhic Fhir Bhisigh). Srath na Mart, Leagain, Cill Laighneach, An Cabhán 1715-16. Do *Bhrian Mhag Uidhir*.<sup>1947</sup>

**ARÉ 23N6 (584).** Leagan Gearr Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir de ‘Leabhar na nGenealach’ (ginealaigh an Dubhultaigh Mhic Fhir Bhisigh). 1721-2.

**ARÉ C.vi.1(2) (936).**<sup>1948</sup> ‘Iomarbhágh na bhFileadh’, ‘Cath Maigne Léana’, nótaí agus rainn ar eachtraí staire, dánta le hUilliam Mac an Bharúin

---

<sup>1940</sup> Féach nóta 1933 thuas. Tá an pheannaireacht in ARÉ 23M42 (347) giota beag cosúil le peannaireacht Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir, ach tá sí i bhfad níos gairbhe, agus níl mé sásta gurbh é Séamus Bacach a ghráf an lámhscríbhinn seo. Baineann sí, gan amhras, leis an dúiche agus leis an tréimhse inar mhair Séamus Bacach, ach ní hionann sin agus a rá gurbh eisean a scríobh í. Ní fios cé dó a ndearnadh an lámhscríbhinn seo, ach is éard atá inti, cóip de *Triallam timcheall na Fódhla*, agus an tiontú próis a rinne Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín uirthi, agus an 29 Eanáir 1638 mar dháta leis an tiontú, *R.I.A. Cat.*, 955. Dhealródh sé, mar sin, gur féidir gur cuireadh an lámhscríbhinn seo le chéile thart faoin am a raibh a chuid de ARÉ C.vi.1 (936) á cur le chéile ag Séamus Bacach do Bhrian Mhag Uidhir, is é sin, sa bhliain 1718, agus go bhféadfadh sé gur cóipeanna garbha nó pearsanta iad seo.

Do Ghiolla Phádraig Ballach Ó Luinín (*fl.* 1631-54), féach nótaí 1936, 3055.

<sup>1941</sup> *Tuille feasa ar Éirinn óig*—deirtear san *R.I.A. Cat.*, 955, gur chum ——— Úa hUidhir nó ——— Mac Fearghail an dán, ach ní thugtar ainm údair sa lámhscríbhinn. Is é Giolla na Naomh Ó hUidhrín atá i gceist.

<sup>1942</sup> Féach nóta 1933 thuas.

<sup>1943</sup> An t-ábhar uilig seachas lgh 31-2, 45-6, *R.I.A. Cat.*, 989.

<sup>1944</sup> Féach nóta 1934 thuas.

<sup>1945</sup> Tá an pheannaireacht cosúil le stíl Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir, ach is dóigh go mbaineann an lámhscríbhinn seo leis na blianta deiridh dá shaol, má ba eisean a scríobh í, óir níl an pheannaireacht chomh néata agus atá sí i lámhscríbhinní eile dá chuid.

<sup>1946</sup> Féach Ó Fachtana (1967: xviii).

<sup>1947</sup> Féach nóta 1936 thuas.

Dealbhna (Uilliam Nuinseann), Seán Ó Dubhagáin, Aonghus na nAor [Ó Dálaigh], ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh), ‘Teaccasc Ríocch Solamain’, ginealaigh, 1718. Do *Bhrian Mhag Uidhir*.

**ARÉ 23C27 (964).**\*<sup>1949</sup> ‘Beatha Chríost’, ‘Beatha Mhuire’, búrdúin. 1739.

**ARÉ 24C55 (1185).**\* Dán le Bonabhentura Ó hEodhasa.

**LB Eg. 192.** Formhór di. Ábhar diaga, graiméar. Sligeach 1729. Do *Thadhg*

*Ó Baoighealláin*.<sup>1950</sup>

---

<sup>1948</sup> Ní aontaím le hÓ Muraíle (2006: 210) gur scríobh Séamus Bacach Mhag Uidhir an chéad imleabhar: ‘Bk I (supposedly by Torrdhealbhadh Ó Dóailen – who was perhaps the scribe of the exemplar, since the manuscript was penned by Séamus Mág Uidhir), ‘Bk II (by Semus Mha Guidhir, who seems also to be the scribe of Bk I)’. Dá mb’fhíor gur scríobh Toirdhealbhadh Ó Dobhailin eiseamláir an chéad imleabhair, caithfidh sé gur scríobhadh an eiseamláir féin sa bhliain 1718, nó tá dul amú ar na colafoin san imleabhar sin. De bhreis air sin, chuir scríobhaí an chéad imleabhair imill gharbha ornáideacha ar na leathanaigh, rud nach bhfuil sa dara himleabhar; agus tá an pheannaireacht éagsúil léi siúd atá sa dara himleabhar. An t-aon cholafon sa chéad chuid seo ina luaitear ainm an scríobhaí, ARÉ C.vi.1(1) (936), lch 284, níl aon léamh air ach gur ghráf Toirdhealbhadh Ó Dobhailin an méid a chuaigh roimhe lena lámh féin,

Ag sin críochnughadh an chéad leabhair arna sgríobhadh le Torrd[h]ealbhadh Ó Dóailen don cCaiptín óirdheirc onórach .i. Brian Mháguidhir an 2 lá fichíod do mhí December 1718. Tá cóip de san *R.I.A. Cat.*, 2702. Níl trácht ar dhuine darbh ainm sin i measc na scoláirí a bhí páirteach i dtiomsú na seanscríbhinní a úsáideadh le ARÉ C.vi.1 (936) a scríobh go nua agus a bhfuil cuntas cruinn orthu sa lámhscríbhinn chéanna. Féach fosta an méid a scríobh Pól Breathnach i dtaobh na páirte a bhí ag Séamus Bacach Mhag Uidhir sa lámhscríbhinn seo: ‘This scribe is otherwise well known. Specimens of his work are to be read in C vi 1 (third pagination), ...’ (Breathnach 1935*b*: 60). Sa lámhscríbhinn tá trí shraith uimhreacha: tugtar an chéad sraith ar chúpla duilleog ag an tús ar a bhfuil téacsanna scríofa, an dara sraith ar ARÉ C.vi.1(1) (936), agus an tríú sraith ar an gcuid ar a dtugaim ARÉ C.vi.1(2) (936).

Cuireadh sleachta as an réamhrá cáiliúil in ARÉ C.vi.1(1) (936) i gcló san iliomad foilseachán eile; tugtar sliocht fada san *R.I.A. Cat.*, 2699-700, agus eagrán iomlán in Ó Lochlainn (1939: 187-92). Tá leagan Béarla de ag Breathnach (1940); tugtar in Walsh (1947: 241-5) an bunleagan agus an t-aistriúchán Béarla taobh lena chéile.

<sup>1949</sup> Tá an pheannaireacht garbh go leor sa lámhscríbhinn seo, ach ní beag na cosúlachtaí idir í agus lámh Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir. Déarfainn gur scríobh sé í, ach go bhfuil sliocht na haoise ar a lámh. Tá staidéar ar pheannaireacht na lámhscríbhinní neamhshínithe uilig thuas ag teastáil go mór. Stadann an príomhthéacs go grod ar lch 218, agus tá an dáta 1739 le rainn Ghaeilge agus Bhéarla ar lch 219. Tá siad i lámh an scríobhaí, agus glacaim leis gur grafadh an lámhscríbhinn sa bhliain sin.

<sup>1950</sup> Tadhg Ó Baoighealláin (*fl.* 1729-35), pátrún a bhí in inmhe méid éigin Gaeilge a scríobh. Níl againn óna lámh ach na nótaí a scríobh sé ar LB Eg. 192. Luann Ó Muraíle (2006: 213) go bhfuil cineál de bhaint ag an sloinne seo le Co. Mhuineacháin, ach má tá, is doiligh an pátrún seo a cheangal leis an gcontae sin. Féach an *B.M. Cat.*, ii, 564. Chuir Tadhg Ó Baoighealláin nótaí sealbhóra leis an lámhscríbhinn i nGaeilge—‘Glór don Athair agus don Mhac & don Sbiorad Naomh. Amen. 1734-5. Arna sgríobha le Tadhg O Buighellan an seachtad la fíochat do mhi February & (?) bliadhain d’Aoís an Tighearna 1734-5 a mBall Áth’ Cliadh’, LB Eg. 192, f. 56; ‘Tad[h]g Ó Buighiollain. Ag so leabhar Thaidhg Óg Uí Bhuighiollain, sgríob<htha> an c(h)eathramh la do mhi July 1730’, agus ‘Arna sgríobha le Tadhg O Bughillan an seiseadh la do mhi Iune 1729’, f. 56v. Tháinig feabhas mór ar a chuid peannaireachta sa Ghaeilge idir an dá linn sa dóigh gur féidir go raibh sé i mbun cleachtaidh.

**LN G167.** Ginealaigh, sleachta as ‘Saltair na Rann’, dánta le Bonabhentura Ó hEodhasa, Flann Mainistreach, Giolla Brighde Mac Con Midhe, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, Ruaidhrí Ruadh Ó hUiginn, Eoghan Mac an Bhaird (mac Gofradha), Eoghan Mac an Bhaird (mac Fearghail), Brian Ruadh Mac Con Midhe, Tadhg Óg Ó hUiginn, Diarmaid na dTrí Sgol Ó Cléirigh, Seaán Ó Dálaigh, Conchubhar Ruadh Mac an Bhaird, Domhnall Ó hUiginn, Tuathal Ó hUiginn, Cú Choigcríche Ó Cléirigh, Tadhg Mór Ó Cobhthaigh, Uilliam Óg Mac an Bhaird, Tomás Ó hUiginn, Maoileachlainn Óg Ó hEodhasa, Flann Mac an Bhaird, Giolla na Naomh Óg Mhag Craith, Mac Con Ó Cléirigh, Cú Uladh Mac an Bhaird, Tadhg Dall Ó hUiginn, Maolmuire Mac an Bhaird, Fearghal Óg Mac an Bhaird, Eochaidh Ó hEodhasa, Cú Chonnacht Ó Dálaigh, Dubhthach Óg Ó Duibhgeannáin, Eoghan Ruadh Mac an Bhaird (mac Uilliam Óig), Uilliam Óg Mac an Bhaird (mac Uilliam Óig), Gofraidh Óg Mac an Bhaird (mac Gofradha), Fear Feasa Ó Maoil Chonaire, Muiris Ó Maoil Chonaire, Maolmuire Ó hUiginn, Pádraig Dubh Ó Cuirnín, Pádraig Óg Mac an Bhaird, Éamonn Ó Caiside, Cathaoir Mac Cába, Flann mac Lonáin. 1727.<sup>1951</sup> *D’Aodh Ó Domhnaill.*<sup>1952</sup>

Gheofar cuntas ar shaothair an scríobhaí seo in Ó Muraíle (2006). Thug Ó Muraíle faoi deara gur doiligh teacht ar shonraí beathaisnéise ar Shéamus Bacach Mhag Uidhir, cé gur féidir é a áireamh mar dhuine de na scríobhaithe Gaeilge ba

<sup>1951</sup> Is soiléir, ámh, gur scríobhadh blogh di (lch 389 ar aghaidh) sa bhliain 1736 ar a luaithe; féach an tagairt a thugtar i nóta 90 thuas.

<sup>1952</sup> Aodh Ó Domhnaill (1691-1754) ó Larkfield, Co. Liatroma. Bhí beirt bhan aige, Flora Hamilton (*ob.* 1716), agus Margaret Montgomery (baintreach Henry Folque). Is í LN G167 an t-aon lámhscríbhinn Ghaeilge atá againn ar thug sé faoi deara a scríofa, agus is teist í ar an bpátrúnacht a thugadh sé d’fhilí áitiúla fosta, ó tharla go bhfuil dánta molta air inti, agus marbhna a ceapadh ar a chéad bhean, Flora Hamilton. Chothaigh sé Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, agus tá scéal faoi easaontas a tharla eatarthu in Ó Duigneáin (1986: 392-3), áit a bhfuarthas cuid mhaith den eolas thuas. Tugtar eolas ar Aodh Ó Domhnaill in Ó Tuathail (1941-2*a*) fosta, agus in Ó Duigneáin (1986), a deir gurbh uncail leis an Col. Maghnus Ó Domhnaill a bhfuil cóip dá mhairgne sa lámhscríbhinn—féach O’Donovan (1856*a*: 2391-2).

thábhachtaí dá raibh ann san 18ú hAois. Ó tharla go bhfuil formhór mór dá bhfuil againn dár scríobh Séamus Bacach idir 1712 agus 1721 mar thoradh ar phátrúnacht Bhriain mhic Conchubhair Mhodartha Mhig Uidhir ó Chnoc Ninne, agus gurbh é Séamus Bacach a scríobh an chuid is mó de na lámhscríbhinní de chuid leabharlann Bhriain a tháinig slán,<sup>1953</sup> is fiú plé a dhéanamh ar lámhscríbhinní Shéamuis Bhacaigh i gcomhthéacs an fheachtais ina iomláine.

An chéad lámhscríbhinn a grafadh do Bhrian Mhag Uidhir (dár tháinig slán díobh), C Add. 4205 (15), cuireadh tús léi sa bhliain 1701 nuair a bhí Brian tuairim is 60 bliain d’aois. Ní heol dúinn cá raibh an scríobhaí, Eoghan Ó Raghallaigh (*q.v.*), ina chónaí nuair a ghráf sé í, ach is dóigh gurbh as Co. an Chabháin nó Co. Fhear Manach dó. Ar nós na lámhscríbhinní eile atá againn dár grafadh do Bhrian sa tréimhse seo, is ábhar cráifeach atá in C Add. 4205 (15), ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’ agus ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’. Tosaíodh ar shaothar Céitinn a ghráfadh i mí an Mhárta 170<sup>1</sup>/<sub>2</sub>. An chéad lámhscríbhinn eile, OCH 500, is é rud atá inti, dhá shaothar chráifeacha eile, ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ agus ‘Smaointe Beatha Chríost’, agus ba é Énrí Ó Caiside (*q.v.*) an graifneoir, scoláire praiticiúil a chaith roinnt ama 46 bliana roimhe sin ag cóipeáil lámhscríbhinní leighis. Dealraíonn sé gur chaith Énrí an chuid is mó den dara leath den 17ú hAois i gCo. Lú agus i gCo.

Mhuineacháin, mar a raibh lia éigin darbh ainm Henry Cassidy i seirbhís na seanteaghlach Normannach ann, agus ina bhailitheoir cánacha ina dhiaidh sin. Tá

---

<sup>1953</sup> Ba chruinne a rá (más tuirsiúil lena aithris é) gurbh é Séamus Bacach an scríobhaí ar mó dá shaothar a tháinig anuas chugainn, agus ní ceist dúinn nach bhfuil againn ach an méid is lú agus is bearnaí dár scríobhadh do Bhrian Mhag Uidhir. Tar éis a bháis, nó thart faoi uair a bháis, fuair a mhac Conchubhar (Modartha) Mag Uidhir (Cornelius Maguire) cuid de na lámhscríbhinní sin (féach nótaí 1963, 1973), agus aistríodh cuid acu siúd go Baile Átha Cliath, áit a raibh siad i gneuasach an cheannaire fíona Ignatius Maguire (*c.*1710-1777), mac le Terence Maguire (*c.*1665-1739) agus Susan Ross (*c.*1677-1726). B’iarua é Ignatius Maguire leis an gCaip. Torlagh Maguire ar dheartháir é leis an gCaip. Brian Mhag Uidhir (3), an pátrún. Féach Ó Maolagáin (1957: 61-4) agus Ó Muraíle (2006: 218 *n.*50). Léiríonn sé sin gur scaipeadh na lámhscríbhinní ar fud na tíre tar éis bhás Bhriain, agus nach féidir tomhas a dhéanamh ar thoirt an chnuasaigh a bhí aige ar uair a bháis.



cóipeanna eile de phrós cráifeach againn ó lámh Énrí an scríobhaí, agus d'fhéadfadh sé gur do Bhrian a grafadh cuid acu seo. Leanann bearna fhada an méid sin, agus is saothar láimhe Shéamuis Bhacaigh Mhag Uidhir an chéad lámhscríbhinn eile, go bhfios dúinn, ina luaitear Brian mar phátrún. ARÉ 23A15 (46) atá uirthi anois, an saothar is sine atá againn ó lámh Shéamuis Bhacaigh díobh siúd a bhfuil dáta leo, agus is é 1712 dáta a scríofa. Beathaí naomh is ábhar di.

Níl againn ach tagairtí do lámhscríbhinn eile a ghráf Séamus Bacach do Bhrian Mhag Uidhir sa bhliain 1713, mar gheall ar shraith cóipeanna a rinne Toirdhealbhadh Mhag Uidhir (*q.v.*) di sa cheathrú dheiridh den 18ú hAois.<sup>1954</sup> Is luachmhar iad na tagairtí seo, ámh, mar taispeánann siad go raibh Séamus Bacach ar an Dúbaile an uair a ghráf sé an lámhscríbhinn chaillte, sin agus go rabhthas tar éis tosú ar théacsanna staire agus ginealaigh a scríobh do Bhrian. Cibé rud eile a bhí sa lámhscríbhinn, chóipeáil Toirdhealbhadh Mhag Uidhir 'Réim Ríoghraidhe Érend' aisti. Ó tharla gur scríobh Séamus Bacach cnuasach beathaí naomh do Bhrian ar an mbaile fearainn céanna idir na blianta 1720 agus 1721, 'Beatha Mhaodhóige' san áireamh, ba dhóigh le de Brún (1969: 558 *n.30*) gur féidir go raibh Séamus Bacach lonnaithe sa bhaile fearainn darb ainm an Dúbaile atá i bparóiste Ros Inbhir, Co. Liatroma, ach is dóigh gur cheart d'Ó Maolagáin (1957: 62) an log a cheangal leis an Dúbaile, Co. an Chabháin,<sup>1955</sup> cuid de na tailte a bhí ar léas fadtéarmach ag Brian thart faoin am sin. Ní hé seo an t-aon uair amháin a fheiceann muid Séamus Bacach ag scríobh ar éastát Bhriain; agus ba é Séamus Bacach, dealraíonn sé, an scríobhaí ba mhó ar ar bhraith Brian Mhag Uidhir nuair a thug sé faoi deara ábhar teicniúil,

---

<sup>1954</sup> Scríobh Toirdhealbhadh Mhag Uidhir an píosa céanna, 'Réim Ríoghraidhe Érend', as lámhscríbhinn na bliana 1713 in ARÉ 24C55 (1185), 1788; ARÉ 24P29 (1074), 1789; LNA 72.3.2, 1798.

<sup>1955</sup> An comhthéacs ina cheart ag Ó Maolagáin (1957: 62); féach a ndeir sé i dtaobh ARE C.vi.2 (582): 'This ms. was written for Captain Brian by Seamus Maguire in part at least at "Sraith na Mart ins an Leagain," near Doobally where Captain Brian had a lease of land' (Ó Maolagáin 1957: 62).

leabhair staire, ginealaigh, srl., a chóipeáil. Ceapadh trí dhán thart faoin am sin ar scoláire Connachtach, Domhnall Ó Maoil Ridhéin (*fl.*1713), dár scríobh Seon Mhac Solaidh cúpla lámhscríbhinn Ghaeilge. Tá na trí dhán seo ar coimeád i lámhscríbhinn a ghráf Risteard Tuibear idir na blianta 1713 agus 1715: leagtar iad ar Shéamus Mac Cuarta, Brian Ó Ceallaigh, agus Séamus Mhag Uidhir éigin.<sup>1956</sup> Ní heol dom go raibh féith na cumadóireachta sa scríobhaí seo againn, Séamus Bacach, ach téann sé le céill gurbh eisean an té a cheap an iarracht bheag filíochta sin a luaitear le ‘Séamus Mhag Uidhir’. Dhealródh baint éigin a bheith ag Muiris Ó Gormáin le Séamus Bacach Mhag Uidhir, nó bhí sé eolach air, mar is eisean an t-aon duine amháin a thugann Séamus Bacach air, i nóta a scríobh sé ina chatalóg sa bhliain 1761,<sup>1957</sup> áit a molann sé peannaireacht na cóipe a scríobh Séamus Bacach de *Parrthas an Anma*.<sup>1958</sup> Ní fios cá bhfuil an lámhscríbhinn sin.

Agus Seán Mhag Shamhradháin ag obair ar chnuasach de scéalta rómánsaíochta sa bhliain 1715, téacsanna a bhfuil fáil orthu i lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge na hÉireann trí chéile, agus cuid mhaith acu i lámhscríbhinní na hAlban, thug Séamus Bacach aghaidh ar shaothar dúshlánach an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh, ‘An Leabhar Genealach’. Idir 1715 agus an 12 Iúil 1716 a rinneadh an chuid is mó den scríobh,<sup>1959</sup> agus tugann Séamus Bacach le fios dúinn áit amháin go raibh sé ag obair

---

<sup>1956</sup> *Ó fógradh gach eolaicme os Éirinn áin*; cóip ó lámh Risteard Tuibear in LN G127, lch 298. Scríobhadh an lámhscríbhinn seo idir na blianta 1713 agus 1715. Tugtar giota beag eolais faoin bhfile agus faoi eagrán den dán i nóta 1829 thuas.

<sup>1957</sup> Ghlaigh Séamus P. Ó Mórdha (1982: 52-3) ‘Séamus Bacach’ air agus mheas sé go raibh aithne aige ar Muiris Ó Gormáin, ach ní ligeann sé aithne a fhoinsí linn. Diomaite de go raibh Ó Muraíle (2006: 208 *n.*3) agus Mac Cathmhaoil (2013: 18, 70 *n.*11) in amhras faoi seo, caithfidh sé gur do chatalóg Muiris Uí Ghormáin (1761), ARÉ 23H23 (631), a bhí Séamus P. Ó Mórdha ag tagairt, agus go raibh an ceart aige. Déanann Muiris tagairt i liostaí scoláirí nó sealbhóirí lámhscríbhinní in LN G458, lgh 109-10, don fhile Séamus a’ Phúdair Mac Parthaláin a bheith ina chónaí ar an Dúbaile. Is dóigh go raibh aithne aige ar chúpla scoláire sa chomharsanacht sin le linn a óige, ach ní fios dúinn an raibh aithne aige ar Shéamus Bacach.

<sup>1958</sup> Bhí an lámhscríbhinn sin i seilbh Muiris Uí Ghormáin sa bhliain 1761. Féach Uimh. 41 sa chatalóg a chuir sé le chéile sa bhliain sin; nó féach Ní Mhunghaile (2008: 83-4; 2010: 271).

<sup>1959</sup> ARÉ C.vi.2 (582), lch [582]. Grafadh lch 286 ar an 16 Aibreán 1716, lch 532 ar an 6 Iúil 1716, agus lch [582] ar an 12 Iúil 1716, ní a léiríonn go ndearnadh cuid mhaith den obair faoi dheifir mhór.

‘ar S[h]rath na Mart isin Leargain, 1716’.<sup>1960</sup> Is é seo tuairim Nollaig Uí Mhuraíle, a chuir an saothar in eagar ó autograf an údair, ar chóip Shéamuis Bhacaigh de, ARÉ C.vi.2 (582),

All in all, given that – fortunately – the autograph of Mac Fhir Bhisigh’s great work has survived, it must be confessed that the value of Mág Uidhir’s transcript is very limited indeed. If we compare it with the transcript made by Eugene O’Curry almost a century and a quarter after Séamus Bacach’s labours, we can immediately see its shortcomings. ... There are numerous instances of omissions, sometimes of words, and sometimes of passages of anything from a few lines to a few paragraphs ... passed over as a result of homoioteleuton ... There are also many cases of dittography, occasionally involving the duplication of whole passages, not to mention myriad mistranscriptions.<sup>1961</sup>

Ba é Séamus Bacach, dealraíonn sé, a cheap na nótaí Béarla atá cóipeáilte isteach sa lámhscríbhinn sin aige, agus is ábhar spéise iad toisc go luann sé cuid de na foinsí as ar baineadh tagairtí lena scríobh, ‘St. Calin’s book, Thady Rody’s book and Peter Welsh’s book, *parte y<sup>e</sup> first*, and ... *y<sup>e</sup> Genealogicall book of Vlster*, page the ninth ...’<sup>1962</sup> Léiríonn sé an-chumas sa Bhéarla, agus níorbh iontach an rud é má ba chléireach gairmiúil é, ar chruinneas na peannaireachta. Scríobh Conchubhar Mag Uidhir (1699–), mac leis an bpátrún, nóta ar an lámhscríbhinn sa bhliain 1722, ina dtugann sé le fios gurbh é ‘*Semus Ruadh* Mag Uidhir’ an scríobhaí.<sup>1963</sup> Dhealródh sé nach raibh Séamus bacach ar feadh a shaoil agus go bhfuair sé an leasainm am éigin tar éis na bliana sin.

Thosaigh Seán Mhag Shamhradháin (*q.v.*), scríobhaí ar ar tugadh cuntas i gCaib.

2.98 thuas, ar an gcéad dá chuid de CT H.2.6 (1297) a ghrafadh do Bhrian ar an 26

---

<sup>1960</sup> Lch 334.

<sup>1961</sup> Ó Muraíle (2006: 214).

<sup>1962</sup> Lch 349.

<sup>1963</sup> Níor scríobhaí cleachtaithe é Conchubhar Mag Uidhir, an uair a ghráf sé an nóta sin: ‘Conchabhar Mag Uidhir mac Brían mhic Conchabhar Modertha maister an leabhransa *arna scriobha le Semus R: Mag Uidhir*. Steal me not for fear of shame, For here you see my master’s name. Cornelius Maguire, Aprill the 14<sup>th</sup>, 1722’, ARÉ C.vi.2 (582), lch 581.

Márta 1716, nuair a bhí Séamus Bacach ag obair ar an ‘Leabhar Genealach’, agus thug Seán aghaidh ar an dara cuid ar an 20 Iúil 1716,<sup>1964</sup> ‘Meguidhir Fhearmanach’, ina dtugtar cuntas (nach bhfuil ró-iontaoifa) ar shinsir Bhriain Mhig Uidhir.<sup>1965</sup>

Pléann Cunningham & Gillespie (1988) an fáth ar scríobhadh ‘Meguidhir Fhearmanach’ i dtús áite,

Apart altogether from the act of patronage which befitted one of Brian’s social standing, in the eyes of both native and settler, much of the material transcribed had direct relevance to Brian’s concerns and preoccupations. ... One tract in particular was of some importance in justifying and explaining Brian’s social position... “The Maguires of Fermanagh.” Though ostensibly set at an unspecified date of some antiquity, the language of the tract suggests that it was probably actually written in the late seventeenth or early eighteenth century. Whether the Maguire tale was entirely a late seventeenth century fabrication or whether it was adapted from earlier versions is not clear, but it is obvious that it reached the form in which it was preserved in the manuscript of Brian Maguire in his own lifetime.<sup>1966</sup>

Ó thaobh iontaofacht an scéil, deir Cunningham & Gillespie (1988: 42-3) an méid seo,

It presented the past, in obviously anachronistic terms as it might have been ... The main story line focused on Magnus’s agreement with Giolla Iosa on the government of the lordship. ... The implications were clear enough. The lands of Knockninny were Brian’s rightful inheritance and he was entitled to share in ‘the secrets and counsels’ of the Maguires. The tract, in the form of an heroic tale, a very traditional device for providing a respectable past for current realities, allowed Brian to underpin his new found position within the old native Irish system of values.

Chuir Seán Mhag Shamhradháin réamhrá fada lena lámhscríbhinn ar an 2 Eanáir 17<sup>16</sup>/<sub>17</sub>, mar a dúradh cheana sa chuntas air i gCaib. 2.98. Mhaithfí don té a léifeadh ar chuid de na colafoin nó ar na díonbhrollaigh a chuireadh na scríobhaithe seo lena

---

<sup>1964</sup> Féach nóta 1805 thuas.

<sup>1965</sup> Deir scoláirí áirithe, m.sh. Mac Murchaidh (1990), gurbh é Seán Mhag Shamhradháin a cheap ‘Meguidhir Fhearmanach’, ach is doiligh a bheith sásta gurbh eisean an t-údar.

<sup>1966</sup> Cunningham & Gillespie (1988: 42).

gcuid oibre go mbídís in iomaíocht lena chéile amanna, agus iad uilig cíocrach a ndílseacht don phátrún a léiriú. Ní gá, ar ndóigh, gur mar sin a bhí, ach níor chás dóibh an béal bán a úsáid le cinntiú go gcoinneofaí i seirbhís an phátrúin iad. Más tagairtí loma don ‘ti tug fa deara a sgríobha’<sup>1967</sup> is mó atá sna lámhscríbhinní, nó rann bheaga molta den chineál seo—

Finis dar sgríobhas do Bhrian go foill,  
d’fhiorfhlaith Chnuic c[h]aoimh Ninne niamhdha an óil,  
rig[h]bheach tug draoithe 7 cliara i nglóir,  
aonsearc na ndilleacht ’s na liath gan treoir.<sup>1968</sup>

—thug scríobhaithe eile mínithe fada ar an obair a bhí ar bun acu, ar a nós siúd a scríobh scoláirí na 17ú hAoise. Is annamh a fheictear tuairiscí foirmeálta den chineál seo i lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge an Tuaiscirt, ach tá cúpla sampla díobh i lámhscríbhinní Chnoc Ninne. Chonaic muid sa phlé ar Sheán Mhag Shamhradháin (*q.v.*) thuas gur nós do chuid de na scríobhaithe réamhrá tiomanta nó brollach a chur lena gcuid lámhscríbhinní, agus a chuid féin den mholadh a thabhairt do Bhrian Mhag Uidhir. Is é an ceann is cáiliúla acu an réamhrá a scríobh Toirdhealbhadh Ó Dobhailin isteach i *Leabhar Chnoic Ninne*, ARÉ C.vi.1 (936), an lámhscríbhinn is tábhachtaí dár scríobhadh do Bhrian Mhag Uidhir, agus ba iad Toirdhealbhadh Ó Dobhailin agus Séamus Bacach Mhag Uidhir faoi seach a ghraf an dá chuid atá inti. Is leis an gcéad chuid de *Leabhar Chnoic Ninne*, an chuid ar scoireadh dá scríobh an 22 Nollaig 1718, a cuireadh an díonbhrollach tiomanta seo, ‘perhaps, the most moving and inspiring panegyric in Gaelic writing’, mar a scríobh Ó Maolagáin (1957: 63),

Ag so Gabháltas na hÉirionn go hathchuímir arna theag(h)laim as  
príomhleabhaibh barántamhla na hÉirionn, leis an mbráthair Micheál Ó  
Cléirigh ...

<sup>1967</sup> ARÉ C.vi.1(1) (936), lch 73.

<sup>1968</sup> ARÉ C.vi.1(1) (936), lch 286. Murarbh autograf é, déarfainn go raibh sé truaillithe, ach níl an lámhscríbhinn doiléir. Imeartas ar an rann, *Finis dár scríobhas ariamh go fóill*, atá ann.

Ta mur an *ccéadhna* a ndéanadh an Réim Ríoghri 7 an Naoimhsheanchais so adúbhramur, an Leabhar Gabhála 7 *ceapaidhe* tug mac Mheguidhir .i. Brian mac Cu C[h]onnacht fa deara a tharraing dhó féin a tTulaigh Mhaoíl an bhliadhain d’Aois an Tighearna 1638, áit ar chruinnidh se leabhair Ui Chleirigh, Ui Dhuibhgeannan, 7 Ui Mhaoíl Chonaire rena *theachtaoibh* 7 rena litreachaibh chuige, 7 tug a ollamh féin .i. Pátraig Ballach Ó Luinin dá ionnsaidhe 7 Brían Óg Ó Cíonán, sgríbhneóir ionmheasda don tír; go ttug fa deara an leabhar so do sgríobha dhó le morán grinnill 7 géar-choimhéada as na leabhraibh adúbhramur mar áon re Saltair Cháisil 7 *Teamhrach*, ionnas gurab é aon leabhar bá mó *meas* fírinne 7 glaneólais da ráibhe san *ccóigeadh* é. *Acht* cheana, ar mbeith don leabhar *céadna* do ghnáth aga chúmhach ag Feidhlime Mháguidhir a nInis Móir, go raibhe *arna* bhreodhadh 7 *arna* lágadh ann, go bhfuil anois *arna* tharraing an athuair don tí oirdheirc .i. Brian mac Conchabhair Mhodarra ... *congháilidhe* tige oideadha 7 bíatachais, fa chomhair Gall 7 Gaoidheal, *lucht* ciuil, oirfideadh 7 *ealadhna*, ionnas nach *feas* duinn a shamhuil eile a n-áon chéim dhá ndúbhramur, 7 biodh *nach* mbeith dhá chumaoin *ar* chlíaraibh 7 *ar* úaislibh Eireann, *acht* amháin an tioneól 7 a’ tiumsughadh do rinne ar phríomhleabhraibh bunbhúsacha glaneólais na nGaoidheal, 7 *ar* leabhraibh díadhachta, an m(h)éid do cuireadh a nGaoídhilg i n-Éirinn díobh, ba mór an leachta re cur ina mhár bhna sin féin amháin, oir ní *meastar* go raibhe a n-Ulltaibh áon *neach* ó do bhaoí Ollamh Fodla ’na rígh, aon *neach* as dúthrachtuigh *neamhmainneachtaighe* a ghlac slighe chum na Gaoidhilge d’aithbheódhadh a n-Eirinn no e.

7 as amhlaidh do comóradh sin leis .i. íar mbeith don nat(h)ion bochtsa, an m(h)éid do mhair dhíobh tar éis Chogaidh Rí Semais 7 Rígh Uilliam rer oile, fa len 7 fa leatrom tar éis an argain 7 an lomchreachadh, faoi phersécutiún 7 sglabhuigheacht, ionnas gur *tearc* áon díobh a bhaoi dúlmhur a n-aineas no a n-ionntala[cht], is ann sin do smúain an t-*eagnaíde* rathmharsa ... gur chosamhuil do na *seanghnasaibh* oirdheirce do bhi re linn a shean 7 a shinsear a n-Eirinn do dhul a mbáthadh 7 *ar* dimbrígh, 7 go hairidhe an teanga mhatharrdha;... 7 as e inntleacht do foillsigheadh dhó .i. fógra do chur fa na coigcriochaibh ’na thimchioll c[h]um *gach* uile sgoiláire Gaoidhilge dhá iaruidh orrtha, an m(h)éid do thiocfadh leó d’fhaghail, le cruinniughadh no re tionsugadh, go h-ard no go h-oiisioll, do leabhraibh maithe Gaoidhilge, do thabhairt chuige 7 do bheireadh féin dubh 7 páipér 7 na huile chómhgar oile dhóibh, an meid do bhí ’na scribhneóiribh dhíobh, go ttugadh fo deara na húghdair sin uile do tharraing go núadhgach dhó fein, 7 do bhearadh toil a mheanman 7 aigeanta féin do *gach* áon aca *ar* son a sáothair, ionnas go ttug tártháil 7 *comhfhurtacht* ádhbhalmhór d’ioliomad do chlannaibh *deadhaithreach* nach raibhe lántréitheach a ndáoroibreachuibh no a modhsaine d’fhulang; *ciothrácht* nior fhaghadh *neach* re h-ealadhain Ghaoídhilge, ní hé amháin san ccondae, *acht* mur an *ccéadna* *gach* uile thaobh ’na urthimchioll *gan* cumaoín óir no *airgid* no *eallach* do

thíodhlacadh dhóibh, ionnas gur cruinniughadh léo as *gach* aird, príomhleabhair ghabhála 7 dheadheólais na ríghtheachta go Cnoc Ninne, ionnas gurab e *sin* tiobraid 7 áras déadheolais as oirdheirce a meastar a bheith a nÉirinn re cían d'aimsir, ionnas nach rigthar a leas, eolas as foirfe no as barántamhla no Leabhair Chnuic Ninne d'iarraidh ó so amach, mas fírinneach Leabhar Leacain Mhic F[h]ir Bhisigh, leabhair Ui Chleirigh 7 Ui Dhuibhgeannáin, 7 Ui Mhaoil Chonaire, Saltair Chaisil, Leabhair [sic] Chluana Mhic Cnois, Duain Ui Dhubhagan, 7 Doctúir Kéatinn, mar aon re morán collections oile ata arna ndearbhadh ó dheadhughdaraibh oile ...<sup>1969</sup>

Is é an ‘Leabhar Gabhála’<sup>1970</sup> an saothar is tábhachtaí sa lámhscríbhinn, agus tá taobh leis cuid eile de shaothar na gCeithre Máistrí, mar aon le cuid mhaith filíocht stairiúil.

<sup>1969</sup> Sliocht gearr as an réamhrá le ARÉ C.vi.1(1) (936), lgh 1-4. Ba mhór an cuidiú dom an leagan neamhiomlán de a thugtar san *R.I.A. Cat.*, 2699-700, ach chuir mé isteach corrlitir idir lúibíní cearnacha, áit ar bith ar mheas mé go gcuirfeadh a huireasa isteach ar an léitheoir, agus mharcáil mé na noda agus na giorrúcháin. Tá an chuid céanna in eagar ag Ó Lochlainn (1939: 187-90).

<sup>1970</sup> Ghráf Séamus Bacach Mhag Uidhir cóipeanna den ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh, 1631) as dhá lámhscríbhinn ar leith de chuid na 17ú hAoise, go bhfios dúinn. Tá an chéad chóip i lámhscríbhinn na bliana 1718, ARÉ C.vi.1(2) (936), agus is dóigh go bhfuair Séamus an t-ábhar lena ghráfadh as an gnuasach a cuireadh le chéile faoi shúil Ghiolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín sa bhliain 1638 do Bhrian Mag Uidhir mac Con Chonnacht (*ob.*1655) ó Thulaigh Mhaoil. Scríobh Séamus Bacach ARÉ 23K45 (*b*) (481), an lámhscríbhinn ina bhfuil an dara cóip, sa bhliain 1746. Is féidir neamart a dhéanamh de thuairim Bhreathnaigh (1940: 149) gur grafadh ARÉ 23K45 (*b*) (481) do Bhrian Mhag Uidhir; bhí sé marbh corradh agus fiche bliain an uair sin. Rinneadh an lámhscríbhinn seo as lámhscríbhinn chaillte eile de chuid na 17ú hAoise a grafadh don Ath. Proinsias mac Bhriain mhic Éamoinn mhic Bhriain Mhig Uidhir. Ó tharla gurb eol dúinn gurbh é Brian Mag Uidhir mac Conchubhair (*ob.*1633) pátrúin an tsaothair féin—leagan Uí Chléirigh den ‘Leabhar Gabhála’—agus go luaitear i nótaí in ARÉ 23K45 (*b*) (481)—a bhfuil an chuma orthu gur baineadh iad ó chóip an Ath. Proinsias—gur baineadh ábhar na lámhscríbhinne caillte sin as saothar a grafadh do Bhrian Mag Uidhir mac Con Chonnacht (*ob.*1655), nótaí nach féidir a phlé cheal spáis, is dóigh le Breatnach (2010a: 5 n.14) gur macleabhar í lámhscríbhinn an Ath. Proinsias a baineadh as lámhscríbhinn a grafadh do Bhrian Mag Uidhir mac Con Chonnacht (*ob.*1655) as an mbunsaothar, agus nach bhfuil aon bhac air gur baineadh ábhar lámhscríbhinn an Ath. Proinsias as lámhscríbhinn chaillte na bliana 1638. Is féidir lámhscríbhinn an Ath. Proinsias a dhátú (trí scáth a bhfuil in ARÉ 23K45 (*b*) (481)), ar an ábhar gur chuir ceathrar d’údair an bhunsaothair *approbationes* léi (Fear Feasa Ó Maoil Chonaire, Cú Choigcríche Ó Cléirigh, Cú Choigcríche Ó Dhuibhgeannáin agus Giolla Phádraig [Ballach] Ó Luinín), agus tagairtí díreacha déanta ag beirt acu don Ath. Proinsias. Tá siad i gcló in Breatnach (2010: 58), a thugann nóta fada ar lámhscríbhinn an Ath. Proinsias in Breatnach (2010a: 5 n.15; 2013: 130-1)). Ó tharla nach luaitear Mícheál Ó Cléirigh (a chuaigh chuig an mórthír sa bhliain 1637 agus a fuair bás ann), agus go raibh Cú Choigcríche Ó Cléirigh ina bheatha le *happrobatio* a chur léi, is dóigh gur grafadh lámhscríbhinn an Ath. Proinsias sa tréimhse c.1637-c.1664.

Is aisteach an ní é, ar an gcéad sracfhéachaint, go dtarraingeodh Séamus Bacach ar dhá lámhscríbhinn ar leith de cóipeanna den saothar céanna a scríobh, nuair ab eol dó go raibh sé tar éis an ‘Leabhar Gabhála’ a scríobh do Bhrian Mhag Uidhir as lámhscríbhinn na bliana 1638 in ARÉ C.vi.1 (936) sa bhliain 1718, ach is féidir nach raibh ARÉ C.vi.1 (936) sa dúiche faoin am sin. Bhí an lámhscríbhinn ag Ignatius Maguire sa bhliain 1769, *R.I.A. Cat.*, 2698. Féach nóta 1973, áit a dtugtar le fios go raibh ARÉ C.vi.2 (582) ag Conchubhar Mag Uidhir mhic Bhriain mhic Conchubhair Mhodartha (*al.* Cornelius Maguire) faoin 14 Aibreán 1722, agus ag Ignatius Maguire sa bhliain 1769. Níor dhearmad do Elizabeth FitzPatrick a rá gur ‘companion volume’ le ARÉ C.vi.2 (582) í ARÉ C.vi.1 (936), *R.I.A. Cat.*, 2698, agus is dóigh go raibh ARÉ C.vi.1 (936), ar an ábhar sin, fós ag Conchubhar Mag Uidhir i

Gan mórán a rá faoin gcéad chuid den réamhrá, is ábhar spéise an t-eolas a thugtar ann faoi na heiseamláirí a úsáideadh lena scríobh, lámhscríbhinní a grafadh do Bhrian mac Con Chonnacht Mhag Uidhir (*ob.*1655) ó Thulaigh Mhaoil sa bhliain 1638, agus a bhí ag Feidhlime Mhag Uidhir in Inis Móir sa bhliain 1718.

Meabhraíonn Séamus Bacach dá phátrún i gceann de na colafoin atá ina chuid féin den saothar an méid oibre a bhí sé tar éis a scríobh dó le cúpla bliain anuas,

Arna sgríobha le Semus Mhag Uidhir an chead lá do mhí August 1718 do Chaiptín Brian Mhag Uidhir mac Conchobhair Mhodartha ro sgríobhus an leabharsa ⁊ mórán leabhar eile.<sup>1971</sup>

Ní fios goidé a bhí ar bun ag Séamus Bacach a fhad is a bhí Toirdhealbhadh Ó Dobhailin ag grafadh na chéad choda den lámhscríbhinn sin sna míonna deiridh den bhliain 1718, ná níl aon saothar de chuid Shéamuis Bhacaigh againn a bhfuil an dáta 1719 leis, ach thug sé aghaidh ar dhíolaim mhór beathaí naomh a ghrafadh sa bhliain 1720. Luadh thuas go bhfuil ‘Beatha Mhaodhóige’ inti, agus go ndearnadh an scríobh ar an Dúbaile idir na blianta 1720 agus an 29 Deireadh Fómhair 1721.<sup>1972</sup> Tá sa lámhscríbhinn seo cóipeanna de bheathaí ar Naomh Muire, San Seoirse, San Greallan, agus San Proinsias. Dealraíonn sé gur bhain Mícheál Mhac an Bhaired, Dumha Ard, Ros Inbhir, Co. Liatroma, leagan [? COBÁC M24] de ‘Beatha Mhaodhóige’ as lámhscríbhinn le Séamus Bacach Mhag Uidhir, ach is doiligh a dhéanamh amach *go foirmeálta* gurbh í ARÉ 23O41 (181) í.

---

gCnoc Ninne thart faoin am a bhfuair a athair bás. Ní fios cá raibh ARÉ C.vi.1 (936) sa bhliain 1746 nuair a scríobh Séamus Bacach Mhag Uidhir ARÉ 23K45 (*b*) (481), agus má bhí seanleabhar na bliana 1638 ‘*arna bhreodhadh ⁊ arna lágadh*’ faoin am ar grafadh ARÉ C.vi.1 (936), is dócha go mbeadh ar Shéamus Bacach Mhag Uidhir brath ar chóip eile. Ba mhaith an t-ionadaí í lámhscríbhinn an Ath. Proinsias, a bhí de chóir a bheith ar comhaois le seanchóip Thulaigh Mhaoil. Mar a dúradh i nóta 1940 thuas, is spéisiúil an ní é go dtéann cuid d’ábhar ARÉ 23M42 (347) siar go dtí cóip na bliana 1638; agus san áireamh an leagan próis de *Triallam timcheall na Fodhla*.

<sup>1971</sup> ARÉ C.vi.1(2), lch 454.

<sup>1972</sup> ARE 23O41 (181), lch 100 col. b.



Ní thugtar le fios cé dó ar scríobhadh an chéad lámhscríbhinn eile atá againn ó lámh Shéamuis Bhacaigh, ARÉ 23N6 (584),<sup>1973</sup> an saothar is mó a d'fhág sé séala a láimhe air. Ní saothar nua atá ann, ach leagan giorraithe de 'Leabhar Genealach' an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh, agus más spéisiúil gur chuir Séamus Bacach roimhe an saothar a thabhairt chun slachta, tá cuid mhaith lochtanna inti, ó tharla go raibh Séamus Bacach ag tarraingt, dar le hÓ Muraíle (2006: 218), ar an gcóip lochtach, ARÉ C.vi.2 (582), a scríobh sé sé bliana roimhe sin,

---

<sup>1973</sup> Sin Leagan Gearr Shéamuis Bhacaigh Mhig Uidhir de 'Leabhar Genealach' an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh. Ghráf Séamus Bacach isteach in ARÉ 23N6 (584) é idir na blianta 1721 agus 1722. Tá sé scríofa san *R.I.A. Cat.*, 1840, gur dóigh gur réitíodh an Leagan Gearr as an gcóip den 'Leabhar Genealach' a scríobh Séamus Bacach, ARÉ C.vi.2 (582), ach grafadh an lámhscríbhinn sin do Bhrian Mhag Uidhir. Bhí an lámhscríbhinn sin ag Conchubhar Mag Uidhir *al.* Cornelius Maguire (1699–), an mac ab óige a bhí ag Brian Mhag Uidhir, faoin 14 Aibreán 1722 (ARÉ C.vi.2 (582), lch 581), an bhliain ar scoir Séamus Bacach de ARÉ 23N6 (584) a scríobh. Má fuair Séamus Bacach ARÉ C.vi.2 (582) ar iasacht ó mhuintir Mhig Uidhir, is dóigh go raibh sé fós sa dúiche thart ar Chnoc Ninne sa bhliain 1722. Is tráthúil, mar sin, trácht ar roinnt cuntas ar an lámhscríbhinn seo, ARÉ 23N6 (584), a deir gur scríobhadh í ag Sliabh Dá Chon in 1726, nó gurbh in an áit ba threo don scríobhaí. Scríobh Eoghan Ó Comhraí ina chatalóg de lámhscríbhinní an Acadaimh gur grafadh ARÉ 23N6 (584) sa bhliain 1726 agus gurbh ó Shliabh Dá Chon do Shéamus Bacach, ní atá inspéise toisc go raibh Eoghan Ó Comhraí ag obair ar chóip den lámhscríbhinn thart faoin am a raibh an chatalóg á scríobh aige. Scoireadh den chóip seo a scríobh sa bhliain 1836 (ní 1835). Is é an chéad tagairt eile atá ar eolas agam ina luaitear Sliabh Dá Chon i gceangal le Séamus Bacach an ceartúchán a scríobh Seán Ó Donnabháin [? tuairim is an 26 Meán Fómhair 1836] le litir a scríobh sé i Maothail, i gCo. Liatroma, chuig Thomas A. Larcom dar dáta an 30 Meitheamh 1836, áit a bhfuil lámhscríbhinn eile ar fad de chuid Shéamuis Bhacaigh á plé aige, ARÉ 23O41 (181). Seo an ceartúchán: '... ([COBÁC M24] was made from) a more ancient copy of the same work in the handwriting of James Maguire, a famous Irish scribe who lived in 1726 at Slieve-Da-Chon in the Barony of Magheraboy and C<sup>o</sup>. of Fermanagh ...' (ARÉ 14B16, lch 227b; Herity 2012: 406 *n.66*). Ní deir sé cá háit a bhfuair sé an tagairt seo, ach is dóigh go raibh sé ag smaoineamh ar ARÉ 23N6 (584), agus go bhfuair sé an t-eolas seo ó Eoghan Ó Comhraí, nó san áit chéanna agus a bhfuair Eoghan Ó Comhraí é. Déantar an tuaiplis chéanna in Petrie (1839: 11), ach ní dóigh liom go dtugann sé seo le fios go ndearna Séamus Bacach cóip eile dá Leagan Gearr sa bhliain 1726. Deirtear sna nótaí san *R.I.A. Cat.*, 1812, 1840, nár thug Eoghan Ó Comhraí an dáta leis i gceart, agus gurb í ARÉ 23N6 (584) a bhí á scrúdú aige. Is doiligh meabhair a bhaint as an log a luaitear sna nótaí seo, Sliabh Dá Chon, murab é go raibh sé luaite i lámhscríbhinn eile de chuid Shéamuis Bhacaigh atá ar seachrán, nó go raibh sé i gcolafon in ARÉ 23N6 (584) atá doléite nó ar leathanach a cailleadh. Féach go bhfuil sé ar taifead san *R.I.A. Cat.*, 1839, go raibh ní éigin scríofa i ndiaidh dhá cheann de na colafoin in ARÉ 23N6 (584), lgh 1, 295; agus deir Ó Muraíle (2006: 208 *n.3*) go raibh an chuma ar na nótaí sin c.1981 go bhféadfadh sé gurbh é an rud a bhí scríofa ann lá den saol an log Sliabh Dá Chon. Más é seo an áit a bhfuair Eoghan Ó Comhraí an log, is aisteach an rud é gur thug sé an dáta leis go contráilte, ach is doiligh a chreidiúint go raibh lámhscríbhinní eile idir lámha aige. Is fiú pointe amháin eile a lua i dtaobh ARÉ 23N6 (584)—tugtar an dáta 1714 i gceann de na colafoin atá inti. Bheifí ag déanamh amach gur tharraing Séamus Bacach ar ARÉ C.vi.2 (582), an chóip fhada a bhí sé a ghráfadh idir na blianta 1715 agus 1716, nó ar eiseamláir na lámhscríbhinne sin. Cá bhfuair sé an dáta 1714, nó an raibh lámhscríbhinn eile dar dáta sin ar a ghar aige agus ARÉ 23N6 (584) á grafadh aige? Níl freagra agam air seo, ach tuigeadh d'Ó Muraíle (2006: 218), a rinne staidéar speisialta ar shaothar an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh, gur chóipeáil Séamus Bacach ábhar ARÉ 23N6 (584) as ARÉ C.vi.2 (582). Tá dearmadtaí in ARÉ 23N6 (584) a eascraíonn go díreach ó dharmadtaí atá in ARÉ C.vi.2 (582). Is cosúil gur leor sin dúinn.

Considering that it was itself derived from a less than satisfactory transcript, [ARÉ C.vi.2 (582)], by the very scribe of that transcript, it is not altogether surprising that there appear to be quite a few discrepancies between this abridgement ... and the corresponding portions of the L[eabhar ]Gen[ealach] autograph ... most of the ‘variae lectiones’ from the shorter work [are] misreadings, or even misreadings of misreadings!

Ní deirtear linn cé dó ar grafadh ARÉ 23N6 (584). Más fíor an scéal a insíonn na lámhscríbhinní a tháinig slán dúinn, níorbh fhada i ndiaidh 1721 a tháinig deireadh le feachtas cóipeála Bhriain Mhig Uidhir, nó níl lámhscríbhinn ar bith againn atá incheangailte leis a scríobhadh tar éis na bliana sin, agus bhí Brian marbh faoi dheireadh na bliana 1726.<sup>1974</sup> Thit a chuid tailte le hoidhreacht ar an mac ba shine a bhí aige, Edmond Maguire. An chéad uair eile a chastar Séamus Bacach linn sna taifid, tá sé ag scor de LN G167 a scríobh ar an 29 Bealtaine 1727, duanaire a ghraf sé d’Aodh Ó Domhnaill (1691-1754) ó Larkfield i gCo. Liatroma. Deirtear gurb í LN G167 an duanaire traidisiúnta deiridh a cuireadh le chéile in Éirinn, ina dtugtar mórán filíocht mholta ar Chlann Domhnaill. B’fhéidir gur cheart a lua go raibh Edmond Maguire pósta le hiníon le hAodh Ó Domhnaill, agus go bhfuil tagairtí moltacha don teaghlach sin in ‘Meguidhir Fhearmanach’ (Ó Maolagáin 1957: 62, 64; Cunningham & Gillespie 1988: 41, 43).

Dhealródh sé gur chaith Séamus Bacach roinnt ama thiar i dtuaisceart Chúige Chonnacht, nó bhí sé sa dúiche thart ar Cho. Liatroma nuair a chuir sé ábhar breise le LN G167 am éigin i ndiaidh na bliana 1736. B’fhéidir gur thug sé na cosa leis níos faide isteach i gCúige Chonnacht i dtreo dheireadh na 1720í, óir scríobh sé lámhscríbhinn do Thadhg Ó Baoighealláin i Sligeach sa bhliain 1729.<sup>1975</sup> Bhí sé ag

---

<sup>1974</sup> Féach an t-eolas a thugtar in Cunningham & Gillespie (1988: 41).

<sup>1975</sup> Scríobh Tadhg Ó Baoighealláin nótaí sa lámhscríbhinn seo i mBaile Átha Cliath idir na blianta 1729 agus 173<sup>4</sup>/<sub>5</sub>; féach nóta 1950.

cóipeáil leis sa bhliain 1739,<sup>1976</sup> ach is beag ábhar atá againn óna lámh tar éis na 1720í. I ndiaidh dó scor de ARÉ 23K45 (b) (481) a scríobh sa bhliain 1746, téann sé ó thuairisc, agus ní fios cá raibh sé lonnaithe a fhad is a bhí sé á scríobh. Grafadh an lámhscríbhinn seo ó sheanleabhar a scríobhadh don Ath. Proinsias Mhag Uidhir i lár na 17ú hAoise, ina raibh leagan Uí Chléirigh den ‘Leabhar Gabhála’ (1631), agus is dóigh gur cóipeáladh é as an gcóip a grafadh do Bhrian Mag Uidhir ó Thulaigh Mhaoil thart faoin mbliain 1638.<sup>1977</sup> Tugann Ó Mórdha (1982: 53) coimriú tuisceanach ar ar fhág Séamus Bacach againn mar oidhreacht,

He copied manuscripts at Knockninny and at Sliabh Dá Chon, ... in County Fermanagh, at Largy (Blacklion), Stranamart and Doobally in Killinagh parish in West Cavan, in Larkfield where he compiled the last family duanaire that has come down to us for Hugh O’Donnell, and at Sligo. He would appear to have been a Tullyhaw man and his home ... was not far from Loch Mac nÉan in the district in which Cathal Buí was born. They must have been contemporaries but if Mac Giolla Ghunna was a wayward man of poetry telling in verse of his feelings, weaknesses and even repentance, Maguidhir was of the old rather backward looking learned tradition that had a somewhat different concept of a poet’s role.

Is dóigh go dtugann sin a gcothrom don bheirt acu, ach is fiú a lua gur fhág Séamus Bacach giotáí de laoithe agus aon chóip amháin de ‘Mac na Míchomhairle’ againn, prós a bhí comhaimseartha leis féin nó geall leis; sin agus gur doiligh cuimhneamh anois ar dhuine ar bith ba mhó ná Séamus Bacach a luigh isteach ar dhéanamh na lámhscríbhinní i mBréifne, san 18ú hAois ná sa 19ú hAois, agus a chinntigh, má áirítear dearmadtaí beaga ina chuid oibre, go mbeadh teacht againn ar mhórán dár scríobh na seanúdair a mbeadh díth air anois murach é.

---

<sup>1976</sup> ARÉ 23C27 (964), ach féach nóta 1949 thuas. Is spéisiúil go raibh an lámhscríbhinn seo idir lámha ag Patt Brennan sa bhliain 1797. D’fhéadfadh sé gurb ionann eisean agus an scríobhaí ——— Brennan a d’fhostaigh Cathal Ó Conchubhair le hannála a chóipeáil don Chevalier O’Gorman sa bhliain 1781. Pléifear na hannála sin sa chuntas ar Mhuiris Ó Gormáin i gCaib. 2.172.

<sup>1977</sup> Féach nóta 1970 thuas, áit a bhfuil cuntas gearr ar na cóipeanna a ghráf Séamus Bacach Mhag Uidhir den ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh).

**2.108. Toirdhealbhadh Mhag Uidhir, fl.1749-98** [Terence MaGuire]

**ARÉ 24P29 (1074).** Cuid di.<sup>1978</sup> Dánta le Muiris mac Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt, ——— Ó Giaráin, Colum Cille, Giolla Íosa Mac Fhir Bhisigh Leacain, Seán Ó Dubhagáin, ‘Réim Ríoghraidhe Érend’, dánta diaga, laoithe fiannaíochta, dánta Béarla le Dryden, an tEaspag Coyle, Pope, an Phaidir i 13 theanga, aoir ar Phádraig Ó Fionnagáin. 1789.<sup>1979</sup>

**ARÉ 24C55 (1185).** Cuid di. Tráchtas ar ghinealaigh, ‘Réim Ríoghraidhe Érend’. 1788.

**ARÉ 23O57 (e, l) (1366).\*** Dánta ar mhuintir Mhig Uidhir, cuid acu le Séafraidh Ó Ruairc, Séamus a’ Phúdair Mac Parthaláin, ‘Dán Uí Dhubhagáin’, ‘Stair Fierabras’ (cuid di).

**COC M56 (56).** Formhór di.<sup>1980</sup> ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’.<sup>1981</sup> 1780.

**CT H.6.8 (1412).** Cuid di.<sup>1982</sup> ‘Tochmharc Fhearbhlaidhe’ (beagán de), ‘Cath Maighe Léana’. [c.1777 ?]

---

<sup>1978</sup> An chuid den lámhscríbhinn a ghráf Toirdhealbhadh Mhag Uidhir, lgh 229-398 (taobh amuigh de lgh 329-35 atá i láimh Labhráis Uí Arann), is dóigh gur dhá lámhscríbhinn ar leith (nó dhá chuid d’aon lámhscríbhinn amháin) iad, **A** agus **B**, a cheangail Archer and Sons le chéile do Thaispeántas Acadamh Bhéal Feirste na bliana 1852—féach na tagairtí a tugadh i nóta 1147 thuas—ceann amháin acu taobh istigh den cheann eile, agus tá cúpla duilleog eile curtha as áit acu. Tá scéal *lámhscríbhinní* Roibeaird Mhic Ádhaimh fós le scríobh. Is éard a chuimsíonn **A** lgh 229-320, 363-96, agus is éard atá in **B**, lgh 321-62, 397-8, sa dóigh go leantar den ghiota próis sin a stadann ag bun lch 320, gan bearna ar bith a bheith ann, ar bharr lch 363. Tá catalóg againn in OB G14 den dá chuid seo i láimh Roibeaird Mhic Ádhaimh, rud a scríobhadh sular ceanglaíodh taobh istigh dá chéile iad, agus tá luaithe aige na príomhthéacsanna i gcuid **A** de réir ord na leathanach a tugadh thuas, agus 21 mhír as cuid **B** a deirtear a bheith ‘Commencing at the opposite end of the MS. ...’ Dhealródh sé go bhfuil baint sheanbhunaithe ag an dá chuid lena chéile, ach ó tharla nach dtugtar dáta scríofa ach in aon áit amháin .i. 1789 ar lch 273, atá i gcuid **A**, is doiligh a bheith cinnte cá huair a scríobhadh cuid **B**, agus an giota a scríobh Labhrás Ó hArann dó.

<sup>1979</sup> Féach nóta 1978 thuas.

<sup>1980</sup> Cuireadh lgh 1-4 leis an lámhscríbhinn, agus tá giota de ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’ scríofa ag Séamus Goodman ar lgh 3-4 le bearna a líonadh.

<sup>1981</sup> ‘Tranglam mór téacs a gan ord ná eagar’ (Ó Conchúir 1991: 140).

<sup>1982</sup> Obair bheirte atá in CT H.6.8 (1412), agus is féidir í a roinnt ina dhá cuid: cuid (1), lgh 1-106, ar cnuasach scéalta rómánsaíochta í ar scríobh Labhrás Ó hArann a bhformhór; agus cuid (2), lgh 109-204: an chóip de ‘Cath Maighe Léana’ a líonann an chuid eile den lámhscríbhinn. Tá lgh 107-8 bán. Diomaite de nár aithníodh an lámh a scríobh an chóip de ‘Cath Maighe Léana’ atá sa dara cuid de CT H.6.8 (1412) sa *T.C.D. Cat.*, 274, is dóigh liom gur scríobh Toirdhealbhadh Mhag Uidhir í, agus ceapaim gur scríobh sé CT H.6.8 (1412), lgh 1-5 fosta. Tá an chuid eile den chéad chuid de CT H.6.8 (1412)—is é sin lgh 6-106—i láimh Labhráis Uí Arann, a scríobh a chuid féin den obair sa bhliain

**LBO Ir.e.7 (19).** Formhór di.<sup>1983</sup> ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’.

1749 [? 1749-<sup>49</sup>/<sub>50</sub>].<sup>1984</sup>

**LNA 72.3.1.** Cuid di. Ábhar staire: ‘Do Ríoghaibh go bhFreasabhra’, réamhrá ‘Réim Ríoghraidhe na hÉireann agus Seanchas na Naomh nÉireannach’. 1775. Don Ath. *John Maguire*.<sup>1985</sup>

**LNA 72.3.2.** Formhór di. Dánta le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Colum Cille, [Tadhg Dall Ó hUiginn], Muiris mac Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt, ——— Ó Giaráin, Giolla Íosa Mac Fhir Bhisigh, Seán Ó Dubhagáin, laoithe fiannaíochta, aortha ar Phádraig Ó Fionnagáin, ‘Réim Ríoghraidhe Érend’, [‘Bás Chearbhaill agus Fhearbhlaidhe’ (blogh di)]. Florencecourt,<sup>1986</sup> Inis Ceithleann, Fear Manach 1798. Don Dr *Donald Smith*.

Ba dheartháir é an scríobhaí seo le Peadar Mhag Uidhir (*q.v.*), de réir an ghinealaigh a thugann sé dúinn i nóta a chuir sé leis an gcéad lámhscríbhinn a scríobh sé, LBO Ir.e.7 (19),<sup>1987</sup> agus nuair a chuirtear sin i gcomparáid leis an bhfianaise a thugtar sna ginealaigh a d’fhág Labhrás Ó hArann againn, *Geinealaighe Fearmanach*, tuigtear go raibh seisear mac ag Toirdhealbhadh Mhag Uidhir ar a laghad, Pádraig, Peadar,

---

1777. Tugann Labhrás Ó hArann an 28 Lúnasa 1777 mar dháta scríofa ar lch 106. Fágann sé sin gur dóigh gur scríobh Toirdhealbhadh Mhag Uidhir lgh 1-5 c.1777, ach ní fios dúinn cá huair a scríobhadh lgh 109-204. Tá seanuimhriú ar lgh 109-204, is é sin, 301-[406].

<sup>1983</sup> Féach Ó Cuív (2001: 45), ‘Pp. 1–8 and 331–4 may be by another scribe’.

<sup>1984</sup> Más fíor gur scríobhadh an lámhscríbhinn ó thús go deireadh. Tá ‘May the 3, 1749 Terence Maguire’ ar lch 8, agus ‘... the 10th of January ... 1749’ ar lch 265. Is féidir gur cheart an 10 Eanáir 17<sup>49</sup>/<sub>50</sub> a léamh. Féach, áfach, go dtugtar an 4 Eanáir 1749 mar dháta scríofa sa cholafon deiridh ar lch 330, leid gur féidir gur grafadh an lámhscríbhinn seo ina codanna. Féach fosta COC M56 (56) thuas, lámhscríbhinn atá giota beag trína chéile.

<sup>1985</sup> Bhí an sagart seo ag cur faoi in ‘Glinaly’ nuair a ghráf Toirdhealbhadh an giota sin lámhscríbhinne atá istigh le LNA 72.3.1 dó ar an 19 Lúnasa 1775. Níl aon rud eile ar eolas agam faoin gcléireach sin.

An log sin, ‘Glinaly’, níl mé in ann é a aimsiú, ach is dóigh go raibh / go bhfuil sé i gCo. Fhear Manach. Géilltear don leagan Béarla, ar an tuiscint gur féidir go bhfuasclófar an cheist seo go fóill.

<sup>1986</sup> Molann an Brainse Logainmneacha ‘Mullach na Seangán’ mar leagan Gaeilge, ach is dóigh gurbh fhearr cloí le ‘Florencecourt’ ar mhaithe le soiléire.

<sup>1987</sup> Lch 330, ‘Ag so leabhar Thordhealbhadh Mheguidhir mhic Rudri mhic Cnochuir mhic Phelim mhic Donuchigh Bhaluigh mhic Cormuic mhic Bhrían na nEch’.

Séaghan, Toirdhealbhadh Óg, Aindrias, agus Séamus.<sup>1988</sup> Dúradh i gCaib. 2.105

thuas gurbh as Co. Fhear Manach do shin-seanathair Pheadair agus

Thoirdealbhaigh an scríobhaí, agus tá leideanna maithe i gcuid lámhscríbhinní

Thoirdealbhaigh gur chaith sé na blianta deiridh dá shaol sa chontae sin. An chéad

saothar atá againn ó lámhscríbhinní Thoirdealbhaigh, is dea-chóip de *Scáthán Shacramuinte*

*na hAithridhe* í a scríobhadh idir an 3 Bealtaine 1749 agus an 10 Eanáir 1749 [?

/50].<sup>1989</sup> Tagann ina dhiaidh sin bearna ollmhór sna taifid, mar atá, sa dóigh nach

bhfuil duilleog againn uaidh a scríobhadh don tríú ceathrú den 18ú hAois ar fad. Bhí

sé ag saothrú lámhscríbhinní idir 1775 agus 1798, agus is féidir glacadh leis nach

bhfuil againn ach beagán dár scríobh sé.<sup>1990</sup>

Ghráf Toirdhealbhadh lámhscríbhinn tuairim is an 19 Lúnasa 1775 don Ath. John

Maguire ó Glinally,<sup>1991</sup> ní atá [? a bhfuil cuid di] istigh le páipéir an Dr Donald Smith,

lia a chaith roinnt míonna sa bhliain 1798 ag tacar téacsanna agus lámhscríbhinní sa

dúiche thart ar Inis Ceithleann. Ní fios cé uaidh a bhfuair an Dr Smith an bhlogh

lámhscríbhinn seo, agus cé nach bhfuil ach ocht leathanach inti, is léiriú eile í ar an

dúil a chuir Toirdhealbhadh sa seanábhar léannta, agus an méid de shaothar na

gCeithre Máistrí a bhí ar a ghar aige. Líonadh na chéad trí leathanach le tráchtas

gearr, ‘Do Ríoghaibh go bhFreasabhra’, agus tagann ina dhiaidh sin an réamhrá agus

---

<sup>1988</sup> Maidir leis an gcuntas a thugtar ar a shinsir in *Geinealaighe Fearmanach*, féach nóta 1901 thuas. 986. [P. 105] Clann **Toirdhealbhaigh mc Rúghruidhe mc Conchubhair mc Feidhlime** .i. Padruig, Peattair, Séaghan agus Toirdhealbhadh óg, Aindrias, Séamus agus \* \* \*’ (Ua Cadhla 1931: 126).

<sup>1989</sup> Féach nóta 1984 thuas.

<sup>1990</sup> B’fhéidir go ndéarfáí gur baolach gur duine ar leith é an Toirdhealbhadh Mhag Uidhir a ghráf na lámhscríbhinní eile seo, ach ar scáth go léiríonn an ginealach atá in LBO Ir.e.7 (19) gurbh as Co. Fhear Manach do shinsir Thoirdealbhaigh, agus go bhfuil ábhar na lámhscríbhinní eile a bhfuil ainm Thoirdealbhaigh leo ceangailte go láidir le Co. Fhear Manach agus leis na lámhscríbhinní a thug Brian Mhag Uidhir faoi deara a scríofa idir na blianta 1701 agus 1721, bheadh tuairim agam gur dóigh gurbh aon duine amháin a ghráf na lámhscríbhinní a luaitear thuas. Nó níl aon eolas agam a théann in aghaidh na tuairime sin.

<sup>1991</sup> Féach nóta 1985 thuas.

na *happrobationes* a cuireadh leis an gcéad saothar mór a scríobh na Ceithre Maistrí, *Réim Ríoghraidhe na hÉireann agus Seanchas na Naomh nÉireannach* (1630).

Is í an t-aon lámhscríbhinn de chuid Thoirdhealbhaigh ina bhfuil ábhar atá geall le bheith comhaimseartha leis ARÉ 23O57 (*e, l*) (1366), áit a bhfuil taobh le glacán seandánta ar mhuintir Mhig Uidhir, iarracht le Séamus a' Phúdair Mac Parthaláin, ach is dán molta eile ar an tseanstíl atá ann. Ó tharla go raibh cónaí ar Shéamus a' Phúdair ar an Dúbaile thart faoi lár na 18ú hAoise, is féidir go síolraíonn an chóip seo as lámhscríbhinn chailte le Séamus Bacach Mhag Uidhir, ach níl ann ach tuairimíocht. Blogh de 'Stair Fierabras' atá sa dara cuid den lámhscríbhinn seo atá i bpeannaireacht Thoirdhealbhaigh. Ghraf sé codanna de 'Trí Biorghaoithe an Bháis' sa bhliain 1780—'tranglam mór téacsá gan ord ná eagar' a deir Ó Conchúir (1991: 140), ar baineadh codanna di as lámhscríbhinn a grafadh sa bhliain 1727.<sup>1992</sup> An chóip den 'Réim Ríoghraidhe Érend' atá in ARÉ 24C55 (1185), grafadh í ar an 30 Meán Fómhair 1788.<sup>1993</sup> Meabhraíonn Toirdhealbhach dúinn gur baineadh í as lámhscríbhinn chailte a ghráf Séamus [Bacach] Mhag Uidhir ar an Dúbaile sa bhliain 1713. Is dóigh le Colm Ó Baoill (2007: 82) go raibh 'baint de chineál éigin' idir an seanscríobhaí Séamus Bacach Mhag Uidhir agus Toirdhealbhach, agus cé nach féidir liom a léiriú go raibh páirt acu lena chéile ná gur bhuail siad lena chéile riamh, ghlac Toirdhealbhach an cúram céanna air agus a bhí ar Shéamus Bacach i dtús na 18ú hAoise, is é sin, an tseanlitríocht agus an seanléann frémhaithe a

---

<sup>1992</sup> Is dóigh go bhfuil an lámhscríbhinn cailte, nó is doiligh cuimhneamh ar lámhscríbhinn a bhaineann leis an taobh sin tíre a scríobhadh sa bhliain sin ina raibh cóip de 'Trí Biorghaoithe an Bháis'. Tá cuid den cholafon (lch 305) ina luaitear an dáta sin i bprionta in Ó Conchúir (1991: 140).

<sup>1993</sup> ARÉ 24C55 (1185), lch 157.

thabhairt slán trí dhianchóipeáil; ghráf Toirdhealbhadh an ‘Réim Ríoghraidhe Érend’ arís as an lámhscríbhinn chéanna sna blianta 1789 agus 1798 faoi seach.<sup>1994</sup>

Murab ionann agus na lámhscríbhinní eile a luadh go dtí seo, is meascán ceart í ARÉ 24P29 (1074), an lámhscríbhinn ina bhfuil an dara cóip de chuid Thoirdealbhaigh den ‘Réim Ríoghraidhe Érend’ a scríobhadh le linn na bliana 1789. Taobh leis sin, tá laoithe fiannaíochta, dánta cráifeacha agus stairiúla, rannaíocht Bhéarla ar baineadh cuid di as an *Collectanea Sacra* a foilsíodh i Muineachán sa bhliain chéanna, ‘A Sacred Eclogue written in imitation of Virgil’s *Pollio* by Mr [Alexander] Pope’, an Phaidir i dtrí theanga dhéag, agus an chuid is spéisiúla den chnuasach—amhrán géar a scríobhadh ar shagart darbh ainm Pádraig Ó Fionnagáin a d’iompaigh ina Phrotastúnach, aoir nach bhfuil fáil uirthi ach i lámh an scríobhaí seo amháin.<sup>1995</sup> Ó tharla gur thug an sagart seo a chúl don Eaglais Chaitliceach ar an 6 Aibreán 1788 (Mhág Craith 1980: 277), agus nach bhfuil an t-amhrán seo ar fáil ach sa lámhscríbhinn seo,<sup>1996</sup> sin agus go bhfuil ceithre amhrán eile ar an sagart seo i lámhscríbhinn eile le Toirdhealbhadh, is dóigh go raibh baint láidir aige leo, agus b’fhéidir gurbh eisean a cheap iad sa chéad áit. Thuigfí ó ábhar ARÉ 24P29 (1074) gurbh fhear cráifeach é Toirdhealbhadh, agus ní rómhaith a théann na hamhráin nua-aimseartha seo (a bhfuil dul an Bhéarla ó thaobh meadarachta ar chuid acu) leis an ábhar coimeádach léannta Gaeilge dá dtugtar tosaíocht i lámhscríbhinní Thoirdealbhaigh.

---

<sup>1994</sup> Trí cinn san iomlán: ARÉ 24C55 (1185), 1788; ARÉ 24P29 (1074), 1789; LNA 72.3.2, 1798.

<sup>1995</sup> Tá an dán, *There are some who sing of Moreen and others of Graine too* (Gaeilge agus Béarla), in ARÉ 24P29 (1074), lch 395. Tá sé i gcló in Mhág Craith (1967: 316-18), agus tugtar nótaí ar na ceithre dhán eile in Mhág Craith (1980: 277-9) fosta. Níor cuireadh ‘The Ram of Darby’, atá in LNA 72.3.2, lch 22, i gcló fós, go bhfios dom. Is iad seo na dánta Gaeilge atá in LNA 72.3.2: *Chuala mé scéal aréir is ghoin sé mo chroidhe*, lch 23; *Is í an bhean a raibh i ndán di gráin ó bheag is ó mhór*, lch 25; *Is mian liom trácht ar ádhbhar tuirse agus bróin*, lch 23. Tá siad i gcló in Mhág Craith (1967: 312-16).

<sup>1996</sup> Féach nóta 1995 thuas.



Ceanglaíodh leis an méid sin, agus glacaim leis gur scríobhadh thart faoin am céanna í, laoi fiannaíochta a chuir Labhrás Ó hArann (*q.v.*) chuig Toirdhealbhadh ó Bhaile Átha Cliath ‘do chuimhniúdh na seanaimsire’.<sup>1997</sup> Cuimhneofar air gur i gnuasach ginealach Labhráis, *Geinealaighe Fearmanach*, a tugadh ainmneacha pháistí Thoirdhealbhaigh dúinn; agus deir Labhrás linn sa réamhrá leis an saothar luachmhar sin gurbh as Co. Fhear Manach dá shinsir féin ar thaobh a mháthar, Siúdhan Ní Luinín iníon Phiarais mhic Conchubhair mhic Giolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín, an té, ceapaim, a bhí ina ollamh do Bhrian Mag Uidhir (*ob.*1633) mac Conchubhair, agus do Bhrian Mag Uidhir (*ob.*1655) mac Con Chonnacht.

Tugadh ginealach Pheadair Mhig Uidhir, deartháir Thoirdhealbhaigh, sa phlé air i gCaib. 2.105 thuas, ach is fiú é a thabhairt athuair, Toirdhealbhadh mac Ruaidhrí mhic Conchubhair mhic Feidhlim mhic Dhonnchaidh Bhallaigh mhic Cormaic mhic Bhrian na nEach, mar a deir Toirdhealbhadh sa cholafon in LBO Ir.e.7 (19). Is féidir beagán a chur leis sin le cuidiú an tráchtais staire a scríobh John Dolan ar Cho. Fhear Manach idir na blianta 1718 agus 1719,

Hugh roe son of Flahertagh, who was Maguire of Fermanagh and one of the most famous that ever ruled in the county, it being recorded among his other notable actions that after recovering a great victory over O’Neale’s forces in his own counties, that he the said Hugh roe, i.e. rufus, king of Fermanagh, compelled O’Cane who was one of the chiefest under O’Neale, to adopt one of his sons, to name Donn Cahanagh; and from this son are derived the notable family of Wier in Scotland and Ireland; and also the progeny of Brian na nEach Maguire are derived from the same son; and the chiefest Irishman of this branch now extant in Fermanagh is Phelim Maguire of Enismore, son of Donaghy Callagh, and his children.<sup>1998</sup>

---

<sup>1997</sup> ARÉ 24P29 (1074), lch 335.

<sup>1998</sup> Mar atá an stair i gcló in Ó Maolagáin (1957: 60). Tugtar nótaí i dtaobh an tráchtais staire seo in Ó Maolagáin (1955: 131-2).

Sin Inis Mór i bparóiste Dhoire Bhroscaidh, áit nach bhfuil ach achar gearr ó Inis Ceithleann. Tagann an ginealas seo, agus an t-eolas a thugtar i stair Dolan, go maith leis na dátaí atá againn do Thoirdealbhadh Mhag Uidhir, sa dóigh nach aon bhac iad ar an tuairim gur scríobh Toirdhealbhadh na sé lámhscríbhinn atá luaite leis ar an liosta thuas. De bhreis ar an méid seo, míníonn sé go maith an dóigh ar éirigh le Toirdhealbhadh teacht ar chuid den ábhar seanbhunaithe atá ina chuid lámhscríbhinní. Cuimhneofar air go dtugtar cuntas sa réamhrá atá le *Leabhar Chnoic Ninne* .i. ARÉ C.vi.1 (936) ar an áit a raibh na cairtí as ar scríobhadh é ar coimeád ag tús na 18ú hAoise,

*Acht cheana, ar mbeith don leabhar céadna do ghnáth aga chúmhach ag Feidhlimhe Mháguidhir a nInis Móir, go raibhe arna bhreodhadh 7 arna lágadh ann...*<sup>1999</sup>

An leabhar úd atá i dtrácht ag Toirdhealbhadh Ó Dobhailin sa nóta sin, is é sin an lámhscríbhinn a grafadh do Bhrian Mag Uidhir (mac Con Chonnacht) ón Tulaigh Mhaoil sa bhliain 1638. Ní eile, ós rud é gur ghráf Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín (*fl.*1631-54)—an duine céanna agus an té ónar shíolraigh Labhrás Ó hArann, is dóigh—cuid mhaith de lámhscríbhinn na bliana 1638 do Bhrian Mag Uidhir mac Con Chonnacht, lámhscríbhinn a bhí ar coimeád i dteach Fheidhlimhe Mhig Uidhir *c.*1718, is dóigh nach aon chomhtharlú é go raibh aithne ag sliocht Ghiolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín (Labhrás Ó hArann) agus sliocht Fheidhlimhe Mhig Uidhir (Toirdhealbhadh Mhag Uidhir) ar a chéile, agus go bhfeiceann muid iad ag cur ábhar chuig a chéile ‘do chuimhniúdh na seanaimsire’, agus grafadh na lámhscríbhinní ar an dé deiridh i mBréifne an uair sin. Míníonn an méid sin an fáth a bhfuil cuntas iontach mion ar shliocht Thoirdealbhaigh agus a mhuintire in *Geinealaighe*

---

<sup>1999</sup> Bunaíodh an chóip seo ar a bhfuil san *R.I.A. Cat.*, 2699 (féach nóta 1969 thuas, áit a bpléitear sliocht eile as an ábhar céanna); tá an t-ábhar seo in ARÉ C.vi.1(1) (936), lgh 1-2.

*Fearmanach*, nuair nár tugadh cuid mhaith de na craobhacha eile síos go dtí an dara leath den 18ú hAois.

Na giotaí is déanaí atá againn ó lámh Thoirdealbhaigh Mhig Uidhir, is de bhrí gur dhíolaim an Dr Donald Smith, lia Albanach agus scoláire Gaeilge, téacsanna Gaeilge i gCo. Fhear Manach sa bhliain 1798 atá siad againn. Dealraíonn sé gur tharraing an Dr Smith go príomha ar lámhscríbhinní a bhí á gcoimeád sa dúiche thart ar Inis Ceithleann, áit a raibh sé lonnaithe mar lia don gharastún áitiúil. Is in LNA 72.3.1 agus in LNA 72.3.2, dhá lámhscríbhinn a thug sé leis go hAlbain, atá cuid de shaothar Thoirdealbhaigh. Nuair a chóipeáil an Dr Smith an chéad scéal atá in LNA 72.3.1, thug sé leis colafon na heiseamláire, arbh é Brian Ó Giolla Bhuidhe a ghraf í sa bhliain 1740.<sup>2000</sup> Ní fios an bhfuil an chóip den ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh) a bhí i dteach Elizabeth Maguire in Inis Ceithleann sa bhliain 1798 le ceangal le haon cheann de na cóipeanna atá luaite ag Breatnach (2010a: 5 n.14).<sup>2001</sup> Tharla an Dr Smith ar bhlogh de lámhscríbhinn a ghraf Toirdhealbhadh don Ath. John Maguire, Glinaly, corradh agus fiche bliain roimhe sin, agus é ar thóir lámhscríbhinní. Níl ann ach tuairimíocht, ar ndóigh, ach is féidir gur chuidigh Toirdhealbhadh leis an Dr Smith cuid de na lámhscríbhinní seo a fháil thart faoi Inis Ceithleann, óir bhí cur amach ar an dúiche ag Toirdhealbhadh, agus ní heol dom gur chuir an Dr Smith aithne ar aon scríobhaí beo eile a fhad is a bhí sé in Inis Ceithleann ach Toirdhealbhadh é féin. Ba eisean a ghraf an chuid is mó den dara lámhscríbhinn a tiomsaíodh le linn don Dr Smith a bheith ar an mbaile sin, LNA 72.3.2.

---

<sup>2000</sup> LNA 72.3.1, lch 1, ‘Eachtra Chloinne Righ na hIorruaidhe arna thionsgnadh le Brian O Gelbhuidhe an 20 la den ocht mhi 7 an bhliaghain d’Aois an Tighearna do reir Nua-Annalaidhe 1740’.

<sup>2001</sup> Deir an Dr Smith go bhfuair sé an lámhscríbhinn seo, ar bhain sé giotaí aisti, ‘penes Elizabetham Maguire accolam urbis Enniskillen ... 1798’, LNA 72.3.1, lch 95. Féach Mackechnie (1973: 250 col. a).

Meascán d'ábhar atá in LNA 72.3.2, cuid de scríofa ar an gcorrlitir ag Toirdhealbhadh don Dr Donald Smith a bhí, mar a deirtear sa lámhscríbhinn féin, 'na leigh ag Saighdiuridh an Rígh aig Inis Ceithlin',<sup>2002</sup> agus an chuid eile sa script rómhánach ag an Dr Smith. Tugadh faoi deara in Mackechnie (1973: 250 col. a – 252 col. a) go bhfuil cuid mhaith dánta i gcoitinne ag an lámhscríbhinn seo leis an méid de ARÉ 24P29 (1074) atá i láimh Thoirdhealbhaidh, agus tá cóip inti den laoi a chuir Labhrás Ó hArann chuige. Ní ábhar iontais go bhfuil in LNA 72.3.2 cóip den 'Réim Ríoghraidhe Érend'; deir Toirdhealbhadh linn gur ghraf sé í ar an 9 Márta 1798 láimh le Florencecourt. Bhí an chuid is mó di scríofa don tríú huair aige (go bhfios dúinn) faoin 21 Márta 1798,<sup>2003</sup> an tagairt chruinn is déanaí atá againn don scríobhaí seo a bheith beo. Thosaigh sé ar 'Bás Chearbhaill agus Fhearbhlaidhe' a ghrafadh don Dr Smith ina dhiaidh sin, ach ní bhfuair sé faill an saothar a chríochnú; ba dhóigh le Mackinnon (1912: 255) go raibh ar an Dr Smith an dúiche a fhágáil sula raibh an obair uilig déanta ag Toirdhealbhadh. Ar an taobh eile den scéal, bhí an Dr Smith fós ag cóipeáil téacsanna sa dúiche i mí na Nollag 1798, agus is féidir gur ghraf Toirdhealbhadh giotaí eile dó thart faoin am sin.<sup>2004</sup>

---

<sup>2002</sup> LNA 72.3.2, lch 86. Féach Mackinnon (1912: 254) nó Mackechnie (1973: 252 col. a).

<sup>2003</sup> Féach nóta 2004.

<sup>2004</sup> Tugann Mackinnon (1912: 250) cuntas ar uimhriú na leathanach in LNA 72.3.2: 'Dr. Smith ... entitles the volume *Antholog(ia) Hib(ernica)*, and dates it "Oct<sup>r</sup> 98." ... The first two leaves are unpagged. The next sixteen are paged 1-32. Then comes fresh paging 1-92. Eight blank leaves follow'. Tá an chéad dá dhán ar an dá dhuilleog gan uimhriú, agus 'December 1798' mar dháta leis an dara ceann acu. Níl dáta leis an gcéad sraith eile, 1-32, a bhfuil lgh 1-25 di i láimh Thoirdhealbhaidh, agus an chuid eile i láimh an Dra Smith. An tsraith dheiridh, lgh 1-92, tá an 9 Márta 1798 ar lch 17 ag tús na n-annála, 'Réim Ríoghraidhe Érend', an 21 Márta 1798 ina lár ar lch 45, agus an bhliain 1798 i rann ar lch 86. Má scríobhadh aon chuid de LNA 72.3.2 in 'Oct<sup>r</sup> 98', is dóigh gurbh í an dara sraith a grafadh sa mhí sin, agus ba é Toirdhealbhadh a ghraf na chéad 25 leathanach den chuid sin.

## 2.109. Patrick Mihan, *fl.*1807

**COFLA F1.** Blogh di.<sup>2005</sup> Dánfhocail.

Cé nach fios dúinn cá huair a chuir Patrick Mihan na breiseanna le COFLA F1, ach amháin go raibh an lámhscríbhinn ina sheilbh sa bhliain 1807,<sup>2006</sup> b'fhéidir gur bailí a lua go raibh an lámhscríbhinn seo, a grafadh i gCo. Ard Mhacha sa bhliain 1795, i seilbh George Duffy ón gCnoc Buí, Cluain Caoin, Co. Lú, sa bhliain 1803,<sup>2007</sup> cúpla bliain sular tharla sí i seilbh Patrick. Féach na nótaí ar phríomhscríobhaí COFLA F1, Tomás Ó Caoindealbháin (*fl.*1795). An beagán a chuir Patrick léi, tá sé meascáithe go mór ó thaobh na hortagrafaíochta, sa dóigh go mbíonn a chuid litrithe ag dul go mór i dtreo chóras an Bhéarla go minic, agus ní dócha go raibh mórán cleachtaidh déanta aige faoin am sin ar scríobh na Gaeilge. Ba é Patrick Kelly (*fl.*1826) an chéad léitheoir eile a bhfuil dáta lena chuid breacadaíola.

## 2.110. John Leo Nicolas, *fl.*1818

**ARÉ 23C28 (393).** Cuid di. ‘Rosg Ghoill mhic Mhorna’, rainn, ‘Feartlaoi’, dánta le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, cuid de ‘Marbhna Sheáin de Búrc’, laoithe fiannaíochta. Na Croseochracha, [Baile an Bharúin, An Mhí] 1818.

Chuaigh Séamus Niocláis (J. J. Nicolas; lámh **A**)<sup>2008</sup> siar go cúramach ar an gcuid den lámhscríbhinn a ghráf John Leo Nicolas (lámh **D**), agus tá roinnt ceartúchán

---

<sup>2005</sup> Ghráf sé lch ii, agus formhór lgh d1-d7, dar le hÓ Fiannachta, *M.N. Cat.*, vi, 132-3. Shínigh sé lch 108 (faoin dáta 1807) fosta.

<sup>2006</sup> Féach nóta 2005 thuas.

<sup>2007</sup> Maidir leis na sealbhóirí nó léitheoirí eile a luaitear anseo, féach an cuntas ar Thomás Ó Caoindealbháin i gCaib. 2.122 thíos, nó an cuntas catalóige san *M.N. Cat.*, vi, 132-3.

<sup>2008</sup> Míneofar dáileadh na lámh seo, agus na litreacha eile atá ina gcionn anseo, sa chuntas ar Shéamus Niocláis i gCaib. 2.111.

déanta aige. Dhealródh sé go raibh John Leo ag obair faoina stiúir. Tá ainm John Leo Nicolas i bpeann luaidhe ar MN R67.<sup>2009</sup>

**2.111. Séamus Niocláis,**<sup>2010</sup> *fl.*1806-20

[J. J. Nicolas]

**ARÉ 23C28 (393).** Cuid di. ‘Iomann Féicc’, le leagan Nua-Ghaeilge Risteaird Pluincéad, dánta le hUilliam Nuinseann (Mac an Bharúin), Aodh Buidhe Mac Cruitín, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, ‘Dhá Fhuath Déag an Chrábhaidh’, marbhna ar Thoirdealbhadh Ó Cearbhalláin, cuid de ‘Marbhna Sheáin de Búrc’, laoi fiannaíochta, cuid de ‘Eachtra Chonaill Ghulban’. Na Croseochracha, [Baile an Bharúin, An Mhí] 1818.

**ARÉ 23I32 (417).** Blogh di. Cuid de ‘Merlino Maligno’. 1820.

**ARÉ 23L26(3) (555).**<sup>†</sup> ‘Iomarbhágh na bhFileadh’.

**ARÉ 24P19(2) (1071).**<sup>†</sup> Cuid di.<sup>2011</sup> Dánta le Tadhg mac Dáire [Mhic Bhruaideadha], Fear Flatha Ó Gnímh, agus dánta eile. *Marc uisce*: 1803.

**MN R67.** Bloghanna di. Obair dheisithe: bloghanna de ‘Foras Feasa air Éirinn’. 1806.

Is doilí meabhair a bhaint as scríbhinní mhuintir Niocláis ná aon chnuasach eile i dtraidisiún déanach an Tuaiscirt, ach amháin iad siúd a ghráf lucht scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha. Ceadaíonn muintir Niocláis scrípteanna ina gcuid scríbhinní—

---

<sup>2009</sup> Lch 177.

<sup>2010</sup> Tá cuid den scríbhneoireacht in CT H.6.5 (1407) cosúil le peannaireacht Shéamuis Niocláis. Dréachtaí d’urnaithe agus liodáin Chaitliceacha do leabhar dar teideal ‘Leabhar Urnaighthe le h-Usáid Catoiliceach na h-Eireann’ atá inti, agus tá an dáta 24 Iúil 1839 le ceann de na dréachtaí seo, ach ní luaitear ainm scríobhaí áit ar bith. Athraíonn an script go minic, agus is léir gur cnuasach de ghiotaí a scríobhadh i ndiaidh a chéile agus a ceanglaíodh le chéile ina dhiaidh sin atá inti. Léigh Seán Ó Donnabháin agus J[ames] H[ardiman] siar ar an téacs, de réir nóta i bpeannaireacht Shéamuis Uí Ardagáin ar an bhfordhuilleog thosaigh, agus tá neart ceartúchán déanta ar an litriú ag Seán Ó Donnabháin tríd. Tá cúpla suim a bhaineann le costais fhoilsithe ar an duilleog chéanna.

<sup>2011</sup> Athraíonn an pheannaireacht ó áit go chéile sa chuid seo den lámhscríbhinn ach is léir, dar liom, gur scríobh sé lgh 316-46 ar a laghad (agus lgh 150-80 fosta, b’fhéidir).

comhleabhair a bhformhór—atá so-aitheanta óna chéile, murab é go dtagann na colafoin salach ar a chéile corruair. Socraíodh ar iad uilig a phlé faoin ainm seo.

Ná ní éasca teacht ar eolas cruinn ina dtaobh i dtaifid chomhaimseartha fosta.

Tugann Séamus Niocláis (J. J. Nicolas) agus John Leo Nicolas beirt ‘Crosskeys’ mar log sa lámhscríbhinn ARÉ 23C28 (393), a breacadh sa bhliain 1818. Samhlaíodh an log sin le háiteacha éagsúla. Cheangail an *R.I.A. Cat.*, 1080, é le ‘Crosskeys’ Cho. Aontroma<sup>2012</sup> nuair a scríobhadh cuntas ar an lámhscríbhinn; dar le Tomás Ó Con Cheadainn, is é ‘Crosskeys’ Cho. an Chabháin is dóichí a bheith i gceist anseo, tharla an ceangal atá ag an lámhscríbhinn le ARÉ 23O79 (1388), ar bhreac Eoin Ó Fionnagáin (*q.v.*) ó pharóiste Dhún Seachlainn, Co. na Mí í, *R.I.A. Cat.*, 3582. Tá molta ag Ní Mhunghaile (2011: 139, 2014: 215; 2015: 561), áfach, go bhféadfadh sé go bhfuil na ‘old Crosskeys’, mar a thugtaí orthu, i mBaile an Bharúin i gceist anseo. Tá Baile an Bharúin suite idir Dún Seachlainn agus Ráth Tó, agus dhealródh sé go bhfuil an ceart ag Ní Mhunghaile, óir tá nasc an-láidir idir scríbhinní mhuintir Niocláis agus leabhair eile a cuireadh le chéile sa dúiche fá gcuaird.<sup>2013</sup>

B’fhéidir nár mhiste tábla de na lámha a fhaightear sna ceithre príomhscríbhinn a tharraingt sula dtugann muid faoina bplé. Agus mé ag trácht ar láimh **A**, is éard atá i gceist agam, príomhscript na lámhscríbhinní, script throm chasta fhíor-sholéite; is script throm eile í **B** ach is righne go mór í ná **A**; script righin throm chlaonta ar gcúl í **C**, agus an chuma uirthi go bhféadfadh sé go raibh scríobhaí amháin freagrach aisti agus **B** araon. Fághtar na trí lámh **A** – **C** ar mhalairt leagain éigin den ainm ‘Séamus Niocláis’. Tá an ceathrú lámh, **D**, i bhfad níos éadroime ná na cinn eile. Ní thugtar aird anseo ar na téacsanna Béarla sna lámhscríbhinní.

---

<sup>2012</sup> Lean Ó Tuathail (1940*b*: 14), Ó Baoill (2007: 78), Sharpe (2017*a*: 201 *n.11*), agus cúpla scríbhneoir eile an *R.I.A. Cat.*, 1080, anseo.

<sup>2013</sup> Gheofar plé ar lámhscríbhinní dheisceart Cho. na Mí i gCaib. 1.4.1.2.

Lámhscríbhinn.	A	B	C	D	Nótaí.
MN R67	Lgh 31-5, 261 [l. 12]-263, 327-86 (lch 359—‘ <i>Séamus Nicoláis ... 1807</i> ’).	—	—	—	Scríobhadh formhór na lámhscríbhinne sa chéad leath den 18ú hAois [? 1707]. Tá lgh 259-61 [l. 12] i láimh scríobhaí anaithnid a bhí ag obair le <b>A</b> .
ARÉ 23C28 (393)	Lgh 1a, 1-24, 46, 48-49 [l. 11], 90-116 (lch 113—‘August 12 <sup>th</sup> , 1818, <i>J. J. Nicolas</i> ’).	—	—	Lgh 33-45 (lch 41— <i>John L. Nicolas</i> ; lch 42— <i>John L. Nicolas</i> ; lch 45— <i>John Leo Nicolas</i> , December 27 <sup>th</sup> , 1818, C. Keys), 49 [l. 11]-85 (lch 66—‘Beanacht Dé air an scríbhneóir .i. <i>Séamus Nicláis</i> ’; lch 85—‘ <i>John L. Nicolas</i> , Jan <sup>y</sup> 4 <sup>th</sup> , 1818’).	Ní chuirim téacsanna Béarla san áireamh anseo. Leathanaigh bhána—25-32, 47, 55, 86-9, 117-19.
ARÉ 23I32 (417)	Lgh 103-5 [l. 4], 108 [l. 13]-133.	Lgh 1-102, 134-83, 190-212 (lch 211—‘ <i>Séamas Seán Nicláis</i> , 1820’).	Lgh 105 [l. 5]-108 [l. 13], 184-90 (lch 190—‘ <i>Seamus Nicláis</i> , 1820’).	—	

Má fhágtar an colafon a breacadh in ARÉ 23C28 (393), lch 66, ar leataobh, agus má ghlactar leis go raibh breis agus duine amháin darbh ainm Séamus Niocláis páirteach i dtiomsú na lámhscríbhinní seo, tugann na colafoin le fios: (1) go dtugtaí Séamus Niocláis, nó J. J. Nicolas sa Bhéarla, ar scríobhaí **A**; (2) gur scríobhaí (nó scríobhaithe) ar leith iad **B** agus **C** darbh ainm Séamus [Seán] Niocláis fosta; agus (3) gurbh é John Leo Nicolas scríobhaí **D**. De réir dháileadh agus nádúr na lámh, tá



Séamus Niocláis (**A**) chun tosaigh iontu, ba dhóigh leat; agus is é John Leo Nicolas (**D**) an scríobhaí is lú cleachtadh. Is léir go bhfuil sé ag déanamh aithris ar stíl pheannaireachta **A**, agus tá a chuid oibre lán le meancóga simplí a bhfuil cuid mhaith acu ceartaithe ag **A**. Fillimis ar ARÉ 23C28 (393). De na cúig cholafon atá i lámh **D** sa lámhscríbhinn sin, is é an ceann a breacadh ar lch 66 an t-aon cholafon atá scríofa i nGaeilge agus a luann Séamus Niocláis mar scríbhneoir, agus is aisteach an rud é gur cruinne an litriú sa cholafon seo ná cuid mhór den ábhar a scríobh **D** go dtí sin. Toisc go raibh sé ag cóipeáil faoi stiúradh **A** .i. Séamus Niocláis, is féidir, ceapaim, nach colafon ceart ar chor ar bith é seo ach gur chóipeáil **D** go dflis é ó eiseamláir a bhreac **A**. Is feiniméan dearbhaithe é sin sna lámhscríbhinní,<sup>2014</sup> ar ndóigh. Fágann sé sin gur colafoin iontaofa na ceithre cinn Bhéarla a bhreac scríobhaí **D** ar leathanaigh eile, ina dtugann sé a ainm mar John L(eo) Nicolas. Dhealródh sé, mar sin, go bhfuil muid ag plé le triúr scríobhaithe, Séamus Niocláis (J. J. Nicolas—**A**), a bhí ina phríomhscríobhaí, is Séamus Séan Niocláis (**B + C**), agus John Leo Nicolas (**D**) ag cóipeáil faoina threoir.

Is í MN R67 an lámhscríbhinn is luaithe a raibh lámh ag na scríobhaithe seo inti. Dea-chóip de stair Chéitinn de chuid na 18ú hAoise atá inti a breacadh in 1707—más fíor do cholafon Shéamuis Niocláis—agus a ndearna baill de mhuintir Niocláis athscríobh ar chodanna di sa bhliain 1806. Ní luaitear áit scríofa sa lámhscríbhinn ach taispeánann nóta déanach i bpeann luaidhe ar leathanach a fágadh bán sa lámhscríbhinn go raibh sí idir lámha ag James Joseph Nicolas ó ‘Tulla[gh]more’, Co. Uíbh Fhailí, ag an am sin, agus bhí Co. na Gaillimhe bainte amach aici faoin mbliain 1825.<sup>2015</sup> Dúradh cheana gur cosúil gur baineadh cuid den lámhscríbhinn ARÉ

---

<sup>2014</sup> Gheofar sampla eile de seo i lámhscríbhinn dhéanach i nóta 1673 thuas.

<sup>2015</sup> Is dóigh le Pádraig Ó Fiannachta, mar sin, gurbh as an Tulach Mór don scríobhaí, Séamus Niocláis, *M.N. Cat.*, iv, 46-7, ach tá an nóta a luann James Joseph Nicolas i lámh eile, cé gur beag

23C28 (393) as lámhscríbhinn de chuid Eoin Uí Fhionnagáin (*q.v.*) ó Chúil Mhaoilín. An lámhscríbhinn indátaithe is déanaí atá againn de chuid mhuintir Niocláis, ARÉ 23I32 (417), is leor, is dóigh, scagadh gasta a dhéanamh ar na téacsanna atá inti lena thaispeáint gur cóipeáladh í bunús uilig sa bhliain 1820 ó OÉG H23, lámhscríbhinn a scríobh Labhrás Mhac Con Allaidh (*q.v.*) i mBaile Géar, Ráth Tó, idir na blianta 1762 agus 1764.

### 2.112. Séamus Seán Niocláis, *fl.*1820

ARÉ 23I32 (417). Formhór di.<sup>2016</sup> ‘Seanmóir na Páise’, cuid de ‘Merlino Maligno’, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’, rainn, dánta, laoithe fiannaíochta, ‘Ag so d’Aois na nAithreach’ ó Ádhamh go Noe, 7 Fad na hAimsire atá ó Ádhamh go Dlínn, 7 Geinealach Noe go hÁdhamh’. 1820.

Féach thuas.

### 2.113. Séamus Ó Bréaghdha,<sup>2017</sup> *fl.*1791-1812 [James Bray]

CM L3 (*b*). Blogh di.<sup>2018</sup> Rainn fáin. [1791].

Ní léir go ndearna an file seo mórán scríbhneoireachta, ach tá lámh measartha maith aige, agus an chuma uirthi gur ag déanamh aithris ar láimh phríomhscríobhaí na lámhscríbhinne CM L3 (*b*) a bhí sé. Ní heol dom go bhfuil giotaí eile óna láimh i leabhar eile ar bith. Níl an litriú ach go measartha.

---

nach cinnte go raibh páirt éigin aige leis. Scríobh ‘Michael Nicolas’ éigin a ainm uirthi in 1819. Ní heol dom go bhfuil áit darb ainm na Croseochracha i gCo. Uíbh Fhailí.

<sup>2016</sup> An méid a thugtar faoi lámha **B** + **C** thuas sa chuntas ar Shéamus Niocláis i gCaib. 2.111.

<sup>2017</sup> Tugann sé ‘Séamus Ua Brathaigh do shíol Bhratha mhic Breóghan’ air féin, CM L3 (*b*), lch 139.

<sup>2018</sup> Gheofar rainn ina láimh ar imill lgh 109, 138-9, 156.

Is dócha gur féidir eisean a cheangal leis an bhfile ——— Bray (nó Séamus Ó Bréaghdha) a scríobh cúpla píosa i gCo. Lú, nó sa dúiche fá gcuaird, agus a bhfuil trí cinn acu ar caomhnú go sea.<sup>2019</sup> Dhealródh sé go raibh clú air chomh fada ó dheas le Droichead Átha, áit ar bhreac Brian Ó Tomaltaigh dhá dhán leis san *English character* i lár na 19ú hAoise. Tugann Brian Ó Tomaltaigh an scéal seo dúinn ina thaobh: ‘The same Bray would write down at the same time, with a pen in his right and left hand, the conversations of 2 persons who would be speaking to him at the same time—the one speaking in Irish and the other in English’.<sup>2020</sup>

**2.114. Pól Ó Briain, c.1762-1820**<sup>2021</sup>

[Paul O’Brien]

**LN G47.** Blogh di. Dán molta (autograf) ar Thadhg Ó Flannagáin.

**MN B12.** Formhór di. Leabhar gramadaí.<sup>2022</sup> [c.1809].<sup>2023</sup>

<sup>2019</sup> Tá cóip amháin againn de gach ceann acu:

(1) ‘Lamentation of Rev<sup>d</sup> D<sup>f</sup> Harlin—Mergnu’, *Es neigh yerru dulath, ve firr go dūcreea*. Cóip—ARÉ 3C4i (b) (1018), míreanna 17 + 14 [i litriú ‘foghrúil’ Bhriain Uí Thomaltaigh]. Mairgne an Ath. Uí Airlín, le ——— Bray, 1791 (*Shat gēad er vēēle, mor yāthu shees do / shin agus ēēn vlain ar nochud, r. 10, ll. 1-2*). Is ionann an sagart seo agus an tAth. John Harlin, Dairbhre, Co. Lú, a fuair bás an 3 Meitheamh 1791, agus a adhlacadh i gCluain Mór (*na lēē glon moor ed fad shallewe, r. 1, l. 9*).

(2) ‘Mergnu an t[S]egert Cain’, *I Imchain failte do no \her(?)/[—]umer ārsy / ve ahhy state in se greece-se*. Cóip—ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 12 [i litriú Bhriain Uí Thomaltaigh]. Nótaí: (a) Ceannscríbhinn—‘... do ... Bra<y ...> 1812’; (b) ‘It may be worthy of remark / The foregoing song was composed by the poet [M] Br<ay> / and [— an illi]terate man John Martin and sung / while a pot of potatoes was /boiling\ on the fire / ...’. Don chuid eile den nóta seo, féach an cuntas ar an scríobhaí i gcorp an chuntais thuas.

(3) ‘Raimhfhaistine 7 Reimhsheanchus an Madra Áлта ud Dhunaine’, *A dhearbhrathir na seirce is roleisg liom do dhiulta*. Cóip—ARÉ 3C8(2) (1096), lch 6, lámhscríbhinn ó chnuasach Phádraig Uí Ghallóglaigh. De réir an cheanteidil, chum ‘Seamus Ua Braidh’ é ar ‘Labhras Pluingcead’ éigin. Tagraíonn Roibeard Mac Ádhaimh do dhuine [?] d’fhile] darbh ainm ‘Jno Bray’ i gceann de na nótaí atá breactha thall is abhus aige ar LN G1152, lámhscríbhinn a ghráf Peadar Ó Gealacháin dó. Ní luann Brian Ó Tomaltaigh céadainm an fhile ach glacaim leis gurbh é Séamus Ó Breaghdha údar dhánta (1) agus (2), tharla go bhfuair an sagart ar ar cumadh dán (1) bás i dtuaisceart Cho. Lú. Is féidir gur droch-chur síos é ‘Jno Bray’, agus gur cheart ‘James Bray’ a léamh, óir ní fhaca mé an t-ainm seo in áit ar bith eile.

<sup>2020</sup> ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 12.

<sup>2021</sup> Maidir le bliain a bhreithe, féach nóta 2026 thíos.

<sup>2022</sup> Seo autograf an leabhair a cuireadh i gcló sa bhliain 1809. Rinne Edward O’Reilly athruithe ar théacs na lámhscríbhinne seo lena réiteach don chló; féach nóta 2023 thíos.

<sup>2023</sup> Níl dáta leis an lámhscríbhinn, ach an ceann a thugann Edward O’Reilly i nóta taobh istigh den chlúdach cúil: ‘This is the copy from which the printed copy of Father Paul O’Brien’s Irish Grammar was published. It is in his own hand and writing, and whatever appears in the printed book and not contained in this was supplied by me. E. O’R., New Street, August 1st 1809’. An scéal ina cheart ag

Rinneadh trácht ar ghnéithe éagsúla de bheatha an Oll. Pól Ó Briain i réimse leathan foilseachán go dtí seo—Crolly (1851: xxiii-xxviii), Cogan (1870: 654-5); agus leabhair staire eile a scríobhadh ar Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, is lucht saothraithe na teanga ann—Healy (1895), Ó Ceallaigh (1968: 113-18), agus eile; ach gheofar cuntais níos iomláine air in Ó Muirgheasa (1933) [éagrán úr: Ó Muirgheasa (2015)], Ó Casaide (1938a), Ó hUrmoltaigh (1957), Ó Duibhginn (1972), Ó Muirthe (1993), agus Mac Gabhann (1999). Déantar plé air in *Beath. 1782-1881*, 80 col. b – 81 col. b. Is ar a bheatha agus ar an gceangal a bhí aige le léann na Gaeilge amháin a tharraing mé scéal anseo, agus níor phléigh mé a chuid filíochta, dá bhfuil cnuasach in Ó Muirgheasa (1933: 64-107; 2015: 104-79), ach oiread, ó tharla gur ghlac an triúr deiridh thuas an cúram sin orthu cheana féin, agus nach bhféadfainn mórán a chur lena bhfuil scríofa acu.

Le linn do Edward O'Reilly a bheith ag cur a mhórshaothair *Irish Writers* i gcrích, saothar a fuair mórán cúnaimh ón Ath. Pól Ó Briain, Ollamh le Gaeilge i Maigh Nuad, cuireadh fógra báis an Oll. Pól i gcló ar an *Dublin Weekly Register* an 20 Bealtaine 1820,<sup>2024</sup> agus ar *Saunders's News-Letter* an 24 Bealtaine 1820.

Priontáladh an tuairisc bháis seo a leanas ar *Finn's Leinster Journal* an lá céanna,

---

Edward; ba é Pól é féin a scríobh an lámhscríbhinn seo de réir na peannaireachta néata. Bheadh sé spéisiúil a fhios a bheith againn cé acu a scríobh Edward cóip eile as MN B12 agus a chuid leasuithe curtha isteach aige inti; nó a cheartaigh sé an cló ó phrofaí a bunaíodh ar an lámhscríbhinn seo. Bhí, ar ndóigh, dréacht den saothar á léirmheas ag Tadhg Ó Flannagáin chomh fada siar leis an 1 Eanáir 1808 (féach nóta 2044 thíos), agus lámhscríbhinn an Oll. Uí Bhriain ag na clódóirí (H. Fitzpatrick, foilsitheoir an choláiste) seal an uair sin. Is féidir gur cuireadh creatlach an tsaothair i gcrích sa bhliain 1807, cé nach féidir an locht i dtaobh na moille seo a fhágáil go hiomlán ar Fitzpatrick má bhí Edward O'Reilly ag gabháil dá fhorlónadh agus dá cheartú sa bhliain 1809. Ní féidir a bheith suite de, mar sin, gur scríobhadh an méid den chóip seo atá i lámh Phóil sa bhliain ar foilsíodh an leabhar, ach amháin na breiseanna agus ceartúcháin atá déanta uirthi ag Edward O'Reilly. Bhí MN B12 i seilbh Edward O'Reilly ina dhiaidh sin; díoladh í nuair a cailleadh é sa bhliain 1830 mar chuid dá chnuasach leabhar.<sup>2024</sup> Féach an tagairt seo in O'Reilly (1820: clxiii): '... his old and very sincere friend, the late Reverend Father Paul O'Brien, Irish Professor in the College of Saint Patrick, Maynooth, and one of the Acting Committee of this Society, whose justly lamented death was announced to the author whilst writing the above account, on Saturday, 20<sup>th</sup> May, 1820'.

## THE REV. PAUL O'BRIEN

Died, on Thursday, the 18th inst. at Maynooth College, in the 59<sup>th</sup> year of his age, the Rev. Paul O'Brien, for many years the Professor of the Irish Language in that Establishment. His distemper was protracted and severe; and for three months he sustained its malignant progress with the most edifying resignation. There are few who have bequeathed more precious or lasting regrets to society than this estimable ecclesiastic. His ardent attachment to the ancient literature of his country was sublimed by a holy zeal for communicating the blessings of religion to those who could receive them through no other channel.— His was not the enthusiasm which burns on the tongue while the heart is dead to its influence.— To prove its sincerity he laboured with unceasing diligence to diffuse the knowledge of his native dialect; and, however serious or urgent his occupations, his apartments and his person were ever accessible to those who were anxious for its attainment. Unobtrusive and retiring, his talents frequently forced him into notice which his love of privacy would have willingly declined; and it has frequently been a subject of just admiration to behold modesty so unassuming united with acquirements so various and extensive. It would be difficult to find in another such an assemblage as he possessed of the affectionate and endearing sympathies of the Irish heart, chastened and harmonised by the strong influence of religion. Of deep and acute sensibility, his feelings were never known to rise into person nor sink into dejection, but uniformly flowed in the smooth current of peaceful equanimity. His was not the transient cheerfulness which evaporates in mirth or subsides in melancholy, for it was the result of a fervent but unaffected piety, springing from the rich hope (Job, c. 19, v. 27) that was reposed in his bosom. Few, perhaps, were better acquainted with the secret of administering comfort to the “mind diseased,” and the many that sought his advice departed enlightened by his instructions and soothed by his consolations. Those who had the happiness of his acquaintance will not fail to acknowledge that this portrait; however feebly executed, has been faithfully attempted.<sup>2025</sup>

Duine den bheagán scríobhaithe ar tharla ardú céime dóibh sa 19ú hAois ó chóipeálaí nó file tuaithe go scoláire acadúil ab ea an tAth. Pól Ó Briain. Cé nach eol dúinn go díreach bliain a bhreithe, mheas Énrí Ó Muirgheasa gur rugadh é gar do Bhréachmhaí i gCo. na Mí, agus thaispeáin sé go críochniúil gur tháinig sé ar an saol ann thart ar an mbliain 1763, ní a bhfuil glacadh leis ó shin i leith, cé gur féidir gur

---

<sup>2025</sup> *Finn's Leinster Journal*, 24 Bealtaine 1820.

rugadh é bliain nó dhó roimhe sin, in 1761 nó 1762, b'fhéidir.<sup>2026</sup> Ba é Charles

O'Brien (mac mic Uilliam Uí Bhriain an file<sup>2027</sup> agus Mháire Bhiatach<sup>2028</sup> ó Mhaigh nEalta) athair Phóil, agus ba í Margaret Downes a mháthair.<sup>2029</sup> Bhí deartháir aige a

---

<sup>2026</sup> Phléigh Ó Muirgheasa (1933: 163-4; 2015: 312-13) cuid de na fadhbanna a bhaineann lena dháta breithe go críochniúil, ach tá an deacracht chéanna ag roinnt lena dháta báis. Ó tharla go dtugann cuid de na cuntais ar a bhás tomhais éagsúla ar a aois, is fearr iad a phlé anseo. Is éard atá againn, go bunúsach, sé thairfead a thugann dátaí garbha nó cruinne báis dúinn: (1) an 18 Bealtaine 1820, san fhógra a priontáladh ar *Finn's Leinster Journal*, an 24 Bealtaine 1820, agus ar tagraíodh dó thuas; (2) thart faoin 20 Bealtaine 1820, an lá ar foilsíodh an chéad fhógra báis; (3) thart faoin 20 Bealtaine 1820, an lá ar chuala Edward O'Reilly faoina bhás (féach nóta 2024 thuas); is féidir gur bunaíodh an fhaisnéis a tugadh anseo ar (2) nó gur cuireadh an t-eolas chuige ón duine a scríobh an fógra sin ar bhealach eile, sa dóigh nach foinsé ar leith é; (4) an 13 Aibreán 1820, rud a thugtar ar a leac uaighe, leac a thóg Labhrás F. Ó Reineacháin, a bhí ina uachtarán ar an gcoláiste idir 1845 agus 1857—an fhoinsé bhunaíodh a úsáideadh leis na cuntais in Cogan (1870: 654), Healy (1895: 738), Ó Muirgheasa (1933: 163; 2015: 312), Ó Duibhginn (1972: 32), srl., srl., a scríobh; (5) thart faoin mbliain 1820, de réir nóta a bhreac Peadar Ó Gealacháin sa bhliain 1844, LN G1152, lch 237; agus (6) an lá ar adhlacadh é, de réir caointe a chum Séamus Mhac Giolla Choille (*ob.c.*1828) air, agus a scríobh sé féin in COBÁC M18, lch 116, c.1822 (gabann an dáta sin le téacsanna a thagann roimh an dán sin). Thiocfadh don dáta a bheith ceart, mar sin, ach féach nóta 2329. Seo an téacs, de réir mar atá sé in eagar in Ó Duibhginn (1972: 37),

Trí choll le dair gan díth, míle annaid dá dtaobh clí,

Dhá dheich in aontacht ghrinn, le cúig mhí ach deich lá den tsuim

Aois an triaith a dhíol ár gcáin tráth cuireadh fá líog Pól Ó Briain.

D'fhéadfaí dhá léamh a dhéanamh anseo ar an dáta, agus níor mhiste gach féidearthacht a phlé. Ar dtús, ní gá aird a thabhairt ar (5), óir níl i gceist ach tomhas. Is féidir go bhfuil na deich lá a luaitear in (6) le baint (*a*) ó thús na cúigiú míosa, .i. 1 Bealtaine 1820, cé go bhfuil sé geall le bheith cinnte go bhfuiltear ag tagairt anseo do chúig mhí iomlána\* agus gur chóir iad a bhaint (*b*) den 31 Bealtaine 1820. Tugann na suimeanna seo dúinn (*a*) an 21 Aibreán 1820 nó (*b*) an 21 Bealtaine 1820 mar dháta na sochraide, sa dóigh go dtacaíonn léamh (*a*) leis an dáta úd, an 13 Aibreán 1820, a luaitear in (4); agus is féidir léamh (*b*) a shamhlú leis an dáta a thugtar in (1), (2), agus (3), .i. thart ar an 18 Bealtaine 1820. Le léamh (*a*) a bheith ceart, caithfidh muid a bheith sásta glacadh leis gur fágadh Pól Ó Briain gan adhlacadh ar feadh ocht lá idir an 13 agus an 21 Aibreán 1820; thuigfí ó léamh (*b*) nár mhair an tórramh ach trí lá, ón 18 Bealtaine 1820 go dtí an 21 Bealtaine 1820. Is léir ón méid thuas nach dtugtar an 13 Aibreán 1820 mar dháta in aon fhoinsé eile ach an leac uaighe a tógadh thart ar thríocha bliain tar éis a bháis, agus gur dealraitheach ó na foinsí eile go bhfuair an tOll. Pól Ó Briain bás am éigin i lár mhí na Bealtaine 1820, thart ar an bhfichiú lá, sa tslí go bhfuil sé cinnte beagnach gur cailleadh é ar an 18 Bealtaine 1820.

\* Bíonn easpa leanúnachais áirithe le sonrú sa dóigh a ríomhtar dátaí in amhráin cheangail na bhfeartlaoithe seo.

Cé nach luaitear a aois san fheartlaoi, réitíonn (1) agus (4) go maith lena chéile sa dóigh sin; deir an leac uaighe go raibh sé 57 mbliana d'aois, agus ba dhóigh leis an té a scríobh an tuairisc go raibh sé sa 59ú bliain dá aois .i. 58 mbliana d'aois. Deirtear i gclár iontrála an choláiste go raibh Pól Ó Briain sa 29ú bliain dá aois nuair a tháinig sé chun an choláiste sa bhliain 1801, is é sin, gur rugadh é thart ar 1773, más fíor don thairfead, ach thaispeáin Ó Muirgheasa (1933: 164; 2015: 312-13) go sásúil go bhfuil an dáta seo ródhéanach, toisc go gcaithfidh sé go raibh sé ag cumadh filíochta chomh luath leis an mbliain 1788 ar a dhéanaí (féach i gcorp an chuntais thuas), agus gur cruinne i bhfad an aois a thugtar ar an leac uaighe. Cloím leis an tuairisc bháis anseo, óir is sine í ná an leac uaighe.

<sup>2027</sup> Gheofar samplaí dá chuid filíochta agus an beagán eolais atá ar fáil faoi in Ó Muirgheasa (1933: 58-73, 170; 2015: 94-101, 320).

<sup>2028</sup> Glactar leis gurbh í seanmháthair Charles í, nó bhí sí pósta le hUilliam, cibé rud é. Thugtaí 'Mailidh' uirthi fosta.

<sup>2029</sup> Tugtar 'Paulus O'Brien Armaghensis filius Caroli et Margarettae Downes...' air i dtaifid Choláiste Phádraig, Maigh Nuad. Thiontaigh Ó Muirthe (1993: 12) ainm a athar go Gaeilge mar Chathal Ó Briain, ach bhí drogall orm sin a dhéanamh toisc nach luaitear é i bhfoinsé Gaeilge ar bith, agus

fuair bás tuairim na bliana 1804.<sup>2030</sup> Deirtear go ndeachaigh sé ar thuras trí Oileán Mhanann agus trí na Garbhchríocha thart faoi 1780 (Sharpe 2017a: 195),<sup>2031</sup> le [Ristead] Pluincéad, ar féidir gurb ionann é agus Ristead Pluincéad [2] (*q.v.*), an scríobhaí Gaeilge a bhí ag saothrú i gCo. na Mí. Nó is féidir gurb é an Ristead Pluincéad eile ó Cho. na Mí a chuir leabhráin bheaga Gaeilge dá chumadh féin á bpriontáil sa cheathrú dheiridh den 18ú hAois murab é Ristead Pluincéad [2] é.<sup>2032</sup> Cheap Ristead—nó duine den ‘bheirt’ Ristead—an t-amhrán ‘Pól Ó Briain agus an Chailleach Oíche’ do Phól Ó Briain tar éis dó éanlann mhór Phóil a fheiceáil ina theach scoile i gCúl an Bhile, Co. Ard Mhacha.<sup>2033</sup> Sa phlé a rinne Énrí Ó Muirgheasa (1933: 164; 2015: 313) ar cheist a aoise, thuairimigh sé gurbh é an tAth. Denis Brady, S.P. Chill Maighneann, Co. na Mí, an tAth. Donnchadh a bhí Pól a lua sa dán *Rinnidh mo chomharsain dolaidh rómhór domh*, agus go raibh an sagart marbh nó imithe as an bparóiste faoin mbliain 1788, nuair a bhí an tAth. John O’Reilly curtha ina áit. Mura raibh dul amú ar Énrí Ó Muirgheasa, caithfidh sé go raibh Pól ag cumadh agus ag smaoineamh faoi dhul le sagartacht roimh an dáta sin, mar gheall ar an dóigh a mbagraíonn Máire Ní Fhaircheallaigh air sa dán féin,

---

bhíodh cúpla leagan Gaeilge den ainm sin in úsáid. Is féidir gur thug sé Searlas, Séarlas, Cathal, Cormac nó Cathaoir air féin; féach nóta 3267 thíos.

<sup>2030</sup> Níl a chéadainm ar eolas againn, ach caithfidh sé go bhfuair sé bás roimh an 12 Nollaig 1804, óir bhí sé marbh seal gairid nuair a scríobh Pól Ó Briain litir chuig Donnchadh Ó Floinn an lá sin. Tá cóip den litir in de Brún (1967-8).

<sup>2031</sup> De réir na seanbheathaisnéise a cuireadh i gcló in iris Watty Cox, an *Irish Magazine and Monthly Asylum for Neglected Biography*, chuaigh sé ar an turas sin le ‘Mr. Plunket’ áirithe nuair a bhí sé 18 mbliana d’aois (Anon. 1810: 31 col. a), agus is uaidh sin agus an bhliain bhreithe a thugtar in Ó Muirgheasa (1933: 163; 2015: 312) a fuair Sharpe an dáta *c.*1781, ach tá sé athraithe agam go *c.*1780, díreach le go mbeidh sé ag teacht leis an dáta breithe a úsáidim féin *i.* *c.*1762. Ba é Énrí Ó Muirgheasa (1933: 166; 2015: 285) an chéad duine a thuairimigh gurbh é Ristead Pluincéad a scríobh ‘Pól Ó Briain agus an Chailleach Oíche’, b’fhéidir, an ‘Mr. Plunket’ a bhí in éineacht leis in Albain (Ó Muirgheasa 1933: 166; 2015: 315 *n.*40). Tá an dán seo in eagar ag Ó Muirgheasa (1933: 66-7; 2015: 108-11); agus maidir le ceist an údair, féach na nótaí atá ag Ó Muirgheasa (1933: 67-8; 2015: 284-5) ó lámhscríbhinn Pheadair Uí Ghealacáin, agus an plé a dhéantar ar Ristead Pluincéad [2] thíos, áit a ndéantar iarracht dá laige í dul i ngleic le cuid de na tagairtí a dhéantar don scoláire / do na scoláirí darbh ainm seo sna lámhscríbhinní.

<sup>2032</sup> Féach nóta 2031.

<sup>2033</sup> Féach nóta 2031.

‘Cha déanaim-sa stán ar maidin i mbárach  
Go rachaidh mé ’láthair an Athar Donnachaidh,  
Sgríobhfaidh sé páipéar liom un an Phápa,  
’S cha deantar dhíot bráthair nó sagart ann’.<sup>2034</sup>

Léifí na mianta céanna ar an dán ‘Malaidh Aerach Scríobóig’, mar a thug Ó hUrmoltaigh (1957: 20 col. a) faoi deara. Cheap Ó Muirithe (1993: 21) gur féidir gur cuireadh críoch thobann lena chúrsa staidéir nuair a druideadh na coláistí Éireannacha faoi smacht na bhFrancach in 1793,<sup>2035</sup> agus níor mhiste a mheabhrú nach féidir a rá le cinnteacht cá bhfuair sé a chuid oiliúna bunúsáí. Is doiligh an traidisiún sin faoin teach scoile lán le héanadáin a bhí aige i gCúl an Bhile a shuíomh ina áit cheart san amlíne seo, cé gur féidir go bhfuil sé bailí a lua gur cláraíodh Pól mar mhac-chléireach ó Dheoise Ard Mhacha nuair a chuaigh sé a dhéanamh staidéir i Maigh Nuad sa bhliain 1801. Fostaíodh é mar theagascóir Gaeilge sa choláiste ón 30 Iúil 1802 ar aghaidh (Ó Muirgheasa 1933: 167; 2015: 316), nó go ndearnadh Ollamh le Gaeilge de sa bhliain 1804. Bhíothas tar éis déachan a dhéanamh de cúpla mí roimhe sin, ar an 4 Meitheamh 1803, ach ní fios go díreach cár oirníodh é (Ó hUrmoltaigh 1957: 20 col. b). Tuairimíonn Ó Muirgheasa (1933: 88; 2015: 288), is leanann Mac Gabhann (1999: 136) é—agus an ceart acu, dhealródh sé—gurbh í an tréimhse ba bhisiúla i saol Phóil, mar scoláire Gaeilge, na blianta díreach tar éis a cheaptha mar Ollamh. Thuigfí ó litir a scríobh sé chuig Donnchadh Ó Floinn,<sup>2036</sup> ar an 12 Nollaig 1804, go raibh 80 mac léinn faoina stiúir an bhliain sin, agus go raibh sé ag gabháil dá ghraiméar Gaeilge, *Broinn-Fhréimh*, mar a thug sé air sa litir.

---

<sup>2034</sup> De réir Uí Mhuirgheasa (1933: 71; 2015: 118).

<sup>2035</sup> Féach an cuntas ar Phádraig Ó Cathaláin i gCaib. 2.126 thíos. Maidir leis an scríodhadh a rinne na húdaráis Fhrancacha ar thairfid na geoláistí seo (agus b’fhéidir lámhscríbhinní Gaeilge ina measc), féach Dillon, Mooney & de Brún (1969: xv-xvi).

<sup>2036</sup> Tugtar cuntas mionsonraithe ar an scoláire spéisiúil sin in Ó Conchúir (1982: 69-77), áit a bhfaighfear tuilleadh ábhar léitheoireachta air. Tá an litir féin a scríobh an tOll. Pól Ó Briain chuig Donnchadh Ó Floinn (COC 164, lgh 408-9), agus freagra uaidh chuig Pól Ó Briain faoin dáta 30 Iúil 1805 (COC 164, lgh 409-11), i gcló in de Brún (1967-8), mar a luadh cheana.



Foilsíodh é faoi theideal eile cúig bliana ina dhiaidh sin. Thug sé óráid fhada uaidh am éigin idir 1802 agus 1806,<sup>2037</sup> inar iarr sé ar mhic léinn an Choláiste a dteanga náisiúnta a fhoghlaim agus staidéar a dhéanamh ar a cuid litríochta, óráid atá spéisiúil toisc go dtugann sí léargas beag dúinn ar na saothair agus filí a raibh meas aige orthu—Pádraig Mac a Liondain ina measc—agus ar a chnuasach lámhscríbhinní féin,

Gheobhaidh sibh mar an gcéanna i móreachtra dochtúir Céitinn agus Séamus Mac an Mhaoir (James Ware) go raibh an t-aos dáin ceoil agus ealaíne ... ag gach rí réimiúil reachtmhar, ag gach prionsa uasal aibhseach, ... Is fianaise a[i]r seo an leabhar ársaidh seo atá scríofa le dhá chéad bliain, agus ní liath thiontaigh sé le haois ach dubh dealbhghrána; agus is eagal liom gur culaith chumhaidh a thóg sé mar bhrat le brón agus inní fá dhearmad Gaeltachta na hÉireann.<sup>2038</sup>

Is é an t-aon bhlogh ó láimh Phóil a bhfuil dáta cruinn leis na breiseanna a chuir sé sa bhliain 1807 le fordhuilleoga na cóipe úd d'fhoclóir Uí Bhriain a bhíodh i seilbh an Ard-Easpag Seán Mac an tSaoir (*q.v.*), ní atá i Leabharlann an Ruiséalaigh anois.<sup>2039</sup> Is éard a chuir sé léi, cóip den dán 'Marbhna Dhonncha' Uí Chonchubhair' le hUilliam Ó Dubhshláine, agus píosa a cheap Pól Ó Briain é féin, "Mairbhne agus Mnigh an tAthair Marcuis Barraid" arna chumadh re Athar Pól O Brian, oide oirdheirc do Choláiste Naomh Padruic, .i. Mainuit ... 1807'. Is ábhar spéise go n-úsáideann sé an téarma 'oide' anseo, tharla go samhlaítí an focal sin le máistrí scoile den chuid ba mhó an tráth sin; agus níor cheist don té a léifeadh an dán, mar a thug Ó Fiannachta (1990: 140) faoi deara, gurbh fhíor d'Ó Muirgheasa (1933: 168; 2015: 318) agus d'Ó hUrmoltaigh (1957: 20 col. c) go ndeachaigh an fhoghlaim nó

---

<sup>2037</sup> Tá dhá chóip den aitheasc ar fáil, go bhfios dom. Is é an ceann is luaithe acu an chóip atá in MN C87 (*a*), lgh 13-14, lámhscríbhinn ar chuir Peadar Dubh Ó Dálaigh (*q.v.*) tús léi sa bhliain 1806. Scríobh Mícheál Ó Murchadha (*q.v.*) an dara cóip sa bhliain 1825—CM L6, ónar chuir Ó Muirgheasa (1933: 88-91; 2015: 288-91) agus Ó Muirithe (1993: 25-7) an t-aitheasc in eagar.

<sup>2038</sup> As leagan Uí Mhuirithe (1993: 26).

<sup>2039</sup> Déantar plé ar an bhfoclóir áirithe seo in Ó Fiannachta (1990), áit a dtugtar pláta d'inscríbhinn an Ard-Easpag Seán Mac an tSaoir (féach nóta 1030 thuas), agus pláta de dhán a chuir an tOll. Pól Ó Briain le leathanach bán ann.

an t-athrú suímh i bhfeidhm air. Ba é Ó hUrmoltaigh (1957: 20 col. c) a scríobh na línte seo faoi na dánta a cheap an tOll. Pól,

Pé maitheas a dhein an ceapachán do chúis na Gaeilge, níor dhein sé ach dochar do Phól, mar fhile. Is baolach gur chuaigh an trom-léann i bhfastódh ina cheann, cé nár theangmhaigh sé lena chroí riamh ... do shearg an léann bláth na filíochta ann.

Níor bhréag, is dóigh, a rá gur tháinig claochlú ar a dhearcadh i leith na teanga beo agus go ndearna sin ársaitheoir ceart de.<sup>2040</sup> Tá a shliocht sin ar roinnt den fhilíocht a chumadh sé do scoláirí agus do chumainn ghaelacha, sa chaoi go meabhróidís don léitheoir an cáineadh a rinne T. F. O’Rahilly ar dhán le Seaán Ó Maoil Chonaire, ‘the author deliberately tries to avoid everything in the way of ordinary language (or, as he terms it, *bérta rústach*...), and stuffs his poem with all the generally unintelligible words he can find’ (O’Rahilly 1932: 252). Cé gur chuir Pól spéis sa tseanfhilíocht agus i gcnuasú seanscríbhinní, choinnigh sé súil ar an obair a bhí ar siúl i gceantair eile léinn, cathair Chorcaí ach go háirithe—bhí aithne aige ar Dhonnchadh Ó Floinn agus ar bhaill de mhuintir Longáin—ach bhí luí ar leith aige riamh, más fíor do Edward O’Reilly, le litríocht a cheantair dhúchais. Más fíor do dhán a cheap Cathal Ó Cearbhalláin (*q.v.*) sa bhliain 1840, thugadh sé cuairt ar Bhréachmhaí, a bhaile dúchais, uair sa mhí i ndiaidh dó bogadh go Maigh Nuad, nó Maigh an Fhuaith, mar a thugadh sé air,

Marg! ’s monuar! nach bhfuil Pól ó Mhagh an Fhuaith,  
aig teacht go Breafa air a c[h]uairt mhísa;  
searc seirce mo chliabh é, ’s me ’mo dhithleacht’ ’na dhiaigh ...<sup>2041</sup>

---

<sup>2040</sup> Féach an nóta a scríobh Lesa Ní Mhungaile faoina haistriúchán ar *Árdf(a)idhear meanmain Bhanba bhuaidhaigh thréin*: ‘When translated the meaning of this poem is difficult to ascertain. It appears that Ó Briain deliberately cultivated an archaic style of Irish and that many of the words in the original were chosen for their sound rather than their meaning’ (Ó Muirgheasa 2015: 145 n.23).

<sup>2041</sup> Níor cuireadh an dán seo, *Air an naoimhadh lá déag don Mí Fhabhra gan bhreig*, i gcló. Tá cóip de in OÉG H66, lgh 64-66, agus roinnt eolais faoi i nóta 2213 thíos, áit a bhfuil cúpla sliocht eile as curtha i gcló.

Foilsíodh a ghraiméar, tar éis moill fhada, faoin teideal *A Practical Grammar of the Irish Language* in 1809, ach is léir go raibh fáil air i bhfoirm éigin do scoláirí i mBaile Átha Cliath roimhe sin; bhí cóip de ag Tadhg Ó Flannagáin ar an 1 Eanáir 1808.<sup>2042</sup> Laistigh d’achar gearr ama, bhí neart scoláirí tar éis é a cháineadh, cuid acu os ard agus cuid eile os íseal:<sup>2043</sup> cháin Tadhg Ó Flannagáin é toisc go raibh sé lán le foirmeacha ‘barbartha’ canúnacha,<sup>2044</sup> cé go ndéarfadh scoláirí an lae inniu, mar a dúirt Ó Muirthe (1993: 32), go bhfuil an iomarca seanfhoirmeacha ann le *Practical Grammar* a thabhairt air. Thug Seán Ó Donnabháin, mar shampla, fogha faoi ina leabhar gramadaí féin, breis agus fiche bliain tar éis bhás an Ath. Pól. Bhí Séamus Ó Scoireadh níos láiche air, áfach,

This Grammar, speaking generally, is a good practical treatise, containing many original and valuable remarks. It is a production of the worthy Professor’s old age, and not to be taken as a fair specimen of the vigor of his intellect or the extent of his learning.<sup>2045</sup>

Thaitin an stíl bhréagársa seo le roinnt scríobhaithe agus scoláirí, ámh, iad siúd a raibh claonadh chun saothíneachais san fheoil acu ach go háirithe, *disciples* Airt Mhoir Uí Mhurchadha ina measc. Chum Séamus Mhac Giolla Choille (*q.v.*) marbhna ar an Oll. Pól, agus bhí Nioclás Ó Cearnaigh agus a ghaolta á dteagasc le graiméar Uí Bhriain go luath sna 1820í (Duffy 1987: 236). Ach níor mhiste a lua go bhfuil an dán a chum sé dá chol seisir Pádraig Ó Briain ó Ghráinseach na Gaoithe, Co. na Mí, *A Phádraig chléibh, is aithreach linn*, i bhfad níos nádúrtha ó thaobh teanga de ná na cinn eile a chum sé sa tréimhse seo. Ní i gcónaí a bhí scoláirí tuaithe na Mí sásta leis an bhfilíocht chun gliogair, agus gliogar dothuigthe den chuid ba

---

<sup>2042</sup> Féach nóta 2044 thíos.

<sup>2043</sup> Lena cheart a thabhairt do Phól Ó Briain, b’fhéarr a lua gur cuireadh lena shaothar sular foilsíodh é; féach an nóta a scríobh Edward O’Reilly san autograf, MN B12, *M.N. Cat.*, vi, 94. Tá cóip de i nóta 2023 thuas.

<sup>2044</sup> Gheofar autograf an léirmheasa seo, a bhfuil sliocht fada as in Ó Muirthe (1993: 32), in ARÉ 24B4 (1035), lgh 27-36. Ar an 1 Eanáir 1808 a scríobhadh é. Deir Tadhg Ó Flannagáin go raibh cóip lámhscríofa á scrúdú aige.

<sup>2045</sup> Scurry (1828: 42). Páipéar a thug Séamus Ó Scoireadh an 23 Deireadh Fómhair 1826.

mhó, a scríobh sé sna blianta seo. Is soiléir, cibé rud é, gurbh fhearr le Peadar Ó Gealacháin na hamhráin a chum Pól in aois a óige; agus is beag aird a thug sé do na dánta ‘léannta’ a tháinig óna pheann ina dhiaidh sin, mar a léiríonn an nóta glic seo ó lámh Pheadair i lámhscríbhinn a ghráf sé do Roibeard Mac Ádhaimh,

Among our modern Irish bards, there is none more deserving of praise than the late Rev. Paul O Brien; it was universally known thro’ Ireland that he was a learned Antiquarian, and a Professor of the Irish Langu[age] in the College of Maynooth... He composed several beautiful songs in his native language of which this, and the following seven, are not the worst.<sup>2046</sup>

D’fhoilsigh clódóir an choláiste, H. Fitzpatrick, liosta de leabhair sa bhliain 1816 a bhí le priontáil aige dá bhfaighfí síntiúsóirí a chlúdódh na costais. Áirítear leo *Oide Elgeach Uí Bhriain* (Ó Casaide 1938a: 63), ach tá an chuma air nár foilsíodh riamh é agus gur cailleadh é le himeacht aimsire.<sup>2047</sup> Ba bhall é an tOll. Pól den chumann gaelach dá ndéanadh Edward O’Reilly an rúnaíocht, an Gaelic Society a bunaíodh sa bhliain 1806, agus dhealródh sé gur réitigh Pól agus Edward go maith lena chéile. Thug Pól an-chuidiú do Edward eolas a bhailiú ar fhilí déanacha an Tuaiscirt agus *Irish Writers* (1820) á réiteach aige. D’fhéadfaí cuid mhaith eile a rá faoin ngné seo de shaol Phóil.

Murab ionann an meon bríomhar a léirítear sna dánta luatha a chum sé i gCo. na Mí le linn a óige agus na cinn a scríobh sé in earr a aoise i Maigh Nuad, mar a thug gach aon duine a thrácht air go dtí seo faoi deara, is seacht n-áibhéalaí arís an fógra báis a cuireadh i gcló thuas, sa dóigh nach bhféadfaí an ‘assemblage ... [o]f deep and acute sensibility ... not the transient cheerfulness which evaporates in mirth or subsides in melancholy, ... the result of a fervent but unaffected piety’ a luadh leis ann a cheangal go héasca leis an té a bhreac an dán úd faoin gcailín ‘caoin’ sa lúchair.

---

<sup>2046</sup> LN G1152, lch 237.

<sup>2047</sup> Tá fógra don *Oide* i gcúl na cóipe lámhscríofa dá ghraiméar, MN B12.

De réir na gcuntas a scríobhadh faoin Oll. Pól, agus na scéalta a bhí amuigh air, tá an chuma air nár athraigh a phearsantacht chomh mór agus a thuigfí ón tuairisc bháis thuas. Is amhlaidh go gcreidfí ó scéalta eile—an tslí ar dhéileáil sé le gealt a chuir faoi ar urlár a arasáin i Maigh Nuad; nó le leachtóirí Francacha nach labhródh rud ar bith eile ach Fraincis dá mbeadh an deis acu;<sup>2048</sup> nó a ndúirt sé leis an Dr Delahogue, léachtóir Francach le diagacht, faoina theanga dhúchais, ‘Do you call that a polite language in which a man calls his mother a *mare*?’ (Crolly 1851: xxiv; Mac Gabhann 1999: 142), gurbh fhear mór ábhachta go fóill é ag deireadh a shaoil, nuair a bhí fonn air. Is é an píosa seanchais is fearr a tháinig i mo threo i dtaobh na mblianta deireanacha seo dá shaol an litir a scríobh an tAth. John Langan, S.P. Ard Catha, Co. na Mí, sé bliana sula bhfuair an tOll. Pól bás. Scéala faoi dhinnéar a reáchtáladh i gColáiste Phádraig, Lá Fhéile Pádraig 1814, atá inti, agus a chruthaíonn gur ar éigean a bhí sé pioc níos ‘unassuming and retiring’ ag an am sin, mar a dúradh faoi thuas, ná mar a bhí sé i dteann a réime. Is dócha go gcuirfeadh staraithe na hEaglaise spéis ann fosta,

On this day there is every liberty of indulging in loquacity at dinner, as there is nothing read but the Martyrology, ... which is an affair of a few minutes only. After dinner we were entertained with a variety of vocal and instrumental music; the former inferior to Clashford only and the latter to Crow Street. ... In the meantime the Professor of Irish, Rev. P. O’Brien, and the Dean, entered, and took their seats each side of the President. As it was understood that he was fond of vocal music, the best voices in the house were exerted in solos and concerts with a double degree of spirit. ... After a considerable time was thus spent with infinite pleasure and satisfaction to superiors and students, Mr. O’Brien was, I know not why, called on for a song. He told us, what we all knew well, that he did not sing any; that his voice was unfavourable even if he had the intention and inclination; so he most earnestly begged to be excused, but to no purpose. The song was more earnestly insisted on, and the President being informed that he could sing, joined in the request. Mr. O’B. finding all evasion fruitless, consented, but declared that he had no song which he would wish to sing; and that he would

---

<sup>2048</sup> Ba é Crolly (1851) a chuir an scéal sin i gcló den chéad uair.

sooner remain silent than produce anything that would not suit the occasion; for these reasons he begged for two or three minutes to think of himself, that he would strive to pick something out of the brain on the spot that would be *ad rem*, that is, to the purpose, and was sure we would excuse him, as he was completely surprised and much embarrassed. He certainly was not allowed four minutes to produce the following verses which *are absolutely extempore*, having never before been thought of. Air, “Begone, dull Care”:

“Though unprepared, a song I’ll sing,  
For how can I silent be?  
I love my country and my king,  
And each in this company.

“In concert all we’ll join our voice  
In innocent mirth be gay,  
And in friendship’s smile rejoice  
Upon Saint Patrick’s Day.”

We thought he had finished, thinking he could produce no more on such short warning, and consequently clapped him; but as soon as the clapping ceased, he commenced:—

“We’ll drink our worthy President,  
We’ll drink him three times three;  
And may we all be still content  
This day where’er we be.

“And now another bottle bring  
To chase each care away;  
In Pleasure we will drink and sing  
Upon Saint Patrick’s Day.”

In the middle of the third verse or stanza [*sic*] he stopped short, and said: “But, gentlemen, I believe, your bottles are all empty, and it won’t do at all to be singing lies and drinking the President’s health out of empty glasses.” ... [H]e asked the President if he should say anything about Parliament, and being answered “do so,” he began without delay:—

“In Parliament we’ll drink each friend,  
*In globo* drink them all,  
Who for Religion’s rights contend  
Like Grattan and Fingal.

“In unison we’ll all combine  
To drive discord away,  
And drown our shamrocks in our wine  
Upon Saint Patrick’s Day.”

When singing the last verse, he took a large bunch of shamrock from his breast, and it was really noble to see him, with the enthusiasm and pride of a genuine Irishman, wave it in triumph over his head. As to the song which, considering the circumstances, claims every indulgence, it proves that there yet lives an Irish bard, and that the blood of Carolan flows in the veins of O’Brien ...<sup>2049</sup>

Chuir Samuel Jones a chnuasach leabhar, lámhscríbhinní Gaeilge san áireamh, ar ceant ar an 2 Meitheamh 1821, de réir mar is féidir liom a dhéanamh amach, ach níl cóip den chatalóg ar fáil anois.<sup>2050</sup>

### 2.115. Pádraig Ó Brinn, fl.1778-95

[Patrick Byrne]

**ARÉ 24P4 (92).** Blogh di. Búrdún. 1795.

**MN R79.**<sup>2051</sup> ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘Imthidheacht na Tromdháimhe’, ‘Eachtra na gCuradh’, ‘Cath Maighe Léana’, dánfhocail, dán, amhrán le Walter Luin. Cill Chua, An Dún 1778-81, 1795.

Luatharracht de chuid Phádraig Uí Bhrinn ó Chill Chua, Co. an Dúin, atá in MN

R79. Thosaigh sé a ghrafadh na lámhscríbhinní ar an 8 Bealtaine 1778,<sup>2052</sup> agus cé

---

<sup>2049</sup> Litir a scríobh an tAth. John Langan ó Mhaigh Nuad, an 21 Márta 1814. Ní fios cá bhfuil an litir anois; bhí sí i seilbh a gharíníne (nach luaitear a hainm) in 1911 nuair a cuireadh i gcló í. Baineadh na sleachta thuas as an leagan foilsithe (Anon. 1911: 170-2).

<sup>2050</sup> Chuir de Brún (1977-9) liosta sealadach dá chuid lámhscríbhinní le chéile, lenar cheart COC T<sup>1</sup>19 (19) a áireamh. J[ames] H[ardiman] a cheannaigh í ag ceant a chuid leabhar i mí ‘June 1821’, de réir nóta a breacadh sa lámhscríbhinn. Bhíodh cóip den chatalóg i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí, Baile Átha Cliath. Scrúdaigh Séamus Ó Casaide (1938a: 64) í sular séideadh an áit sa bhliain 1922. Ba dhóigh leis, ar ábhar éigin atá giota beag doiléir, gur cuireadh an ceant ar bun thart ar an 9 Meitheamh 1821, cé go dtugann fógraí a cuireadh i gcló an 31 Bealtaine 1821 agus an 2 Meitheamh 1821 ar *Saunders’s News-Letter* le fios go raibh na leabhair agus cnuasaigh eile le díol na laethanta sin. Dheallródh sé, ón dara fógra, go raibh scaipeadh na leabhar le tosú i gceart an lá sin.

<sup>2051</sup> Chreid Ó Fiannachta gur scríobh sé MN R79a fosta, leabhrán beag atá istigh le MN R79, *M.N. Cat.*, iv, 98, ach is léir nár scríobh. Féach nóta 618 thuas.

<sup>2052</sup> Ba dhearmad don *M.N. Cat.*, iv, 96-7, an 8 Aibreán 1778 a lua mar dháta le lgh iii, 1 (uair amháin); tá an 8 Bealtaine 1778 scríofa ar an dá leathanach sin, agus is réamhnótaí atá scríofa orthu.

nach dóigh gur thosaitheoir glan é an uair sin, athraíonn a chuid peannaireachta a liacht sin uaireanta gur dóigh nach raibh mórán cleachtaidh déanta aige faoin am sin ar an dianchóipeáil.<sup>2053</sup> Tá cuid mhaith réamhábhair, giotáí de rainn, srl., ag gabháil leis an lámhscríbhinn, rud eile a thabharfadh le fios dúinn nach raibh, b'fhéidir, an-chur amach aige ar cheird na lámhscríbhinní. Is dóigh gurb é seo an ceann is spéisiúla de na rainn seo, tharla gur iarracht ó pheann an scríobhaí é, agus go léiríonn sé go raibh trí theanga ar a thoil aige,

Hic Lib<sup>f</sup> pertinet, deny it who can,  
Ad Patricium Byrne, that honest young man.  
In Parochia Killcoo he's to be found,  
Si non sit mortuus (if not laid in the ground).  
Ab omnibus malis may God him defend,  
In Vitam Eternam, world without end.

Padruig Ó Brinn an sgríobhneóir. Sic transit gloria mundi. 1778.<sup>2054</sup>

Ní fios cé uaidh a bhfuair sé an chéad dá théacs atá sa lámhscríbhinn—‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’ agus ‘Imthidheacht na Tromdháimhe’, ar cuireadh an dara ceann acu i gcrích sa bhliain 1779—ach thaispeáin an Moins. Ó Fiannachta, *M.N. Cat.*, iv, 96, 98, gur baineadh ábhar an dá scéal rómánsaíochta eile atá sa lámhscríbhinn as ARÉ 23L18 (554), lámhscríbhinn a ghráf Seán Ó Conchubhair san aois chéanna. Chuir Pádraig an chéad scéal acu, ‘Eachtra na gCuradh’, i gcrích ar an 2 Iúil 1780; scoir sé de ‘Cath Maighe Léana’ a scríobh sa bhliain 1781.

Is é an chéad phíosca eile a cuireadh leis an lámhscríbhinn sin an dán *Ní leanbadh*

*Banbha le haltrom a glún*,<sup>2055</sup> amhrán a scríobh Pádraig i gcúl na lámhscríbhinne sa

---

<sup>2053</sup> Tá an pheannaireacht sa chéad chúpla leathanach iontach biorrach agus neamhchothromach. Laistigh de thríocha leathanach, nó mar sin, tagann feabhas nach beag uirthi sa dóigh go bhfuil sí fós biorrach ach níos cothromaí. Éiríonn an script claonta (ar gcúl) fosta. An chuid den lámhscríbhinn a grafadh ón mbliain 1780 amach (lch 308, mar shampla), tá an script i bhfad níos nádúrtha agus cruinne, sa dóigh go gceapfaí gur scríobh duine eile an chuid seo murab é go bhfuil ainm scríobhaí na chéad choda luaite sna colafoin. Sampla inspéise den dóigh a bhfoghlaímíodh scríobhaithe óga an cheird trí shaothair daoine eile a chóipeáil.

<sup>2054</sup> MN R79, lch ii. Tá an rann sin i gcló san *M.N. Cat.*, iv, 96.



bhliain 1795: ‘Fins [*sic*] íarna sgriobhadh le brathar d’Ord St. Dominic ...’<sup>2056</sup>

Amhrán iontach neamhchoitianta atá ann, agus is in ARÉ 24P4 (92) atá an t-aon chóip eile de atá ar eolas agam, an fhoirse as ar bhain an Br. Pádraig a chóip féin de. In ARÉ 24P4 (92) féin, lámhscríbhinn le Pádraig Mac Oghannáin (*q.v.*) ar ar doirteadh cuid mhaith dúigh cheana, tá cóip de bhúrdún gearr agus é sínithe ag an scríobhaí seo againn, ‘Padruig Ô Brinn do sgriobh, 1795 ...’ Ós rud é go bhfaca muid cheana go raibh codanna den lámhscríbhinn chéanna á gcóipeáil isteach in LBO Ir.e.4 (a) (16) ag Eoin Ó Gribín (*q.v.*) ón dúiche chéanna, sa bhliain 1799,<sup>2057</sup> is dóigh go raibh an bheirt seo ag cuidiú lena chéile lámhscríbhinní a ghrafadh. Is fiú pointe amháin eile a chur síos faoi MN R79—tá istigh léi lámhscríbhinn bheag, MN R79a, ina bhfuil cuid de na seanmóirí sin a leagtar uaireanta ar an Ath. James Pulleine (*ob.c.1776*),<sup>2058</sup> agus iad sa láimh anaithnid sin a ghraf na seanmóirí eile.

Thuairimigh Ó Baoill (2007: 81) gur féidir gurb ionann an scríobhaí seo agus an Bráthair Burns a bhí lonnaithe i bparóiste Chill Chua, agus a fuair bás ann tuairim na bliana 1817 agus é thart ar 74 nó 75 bliana d’aois, de réir chuntas O’Lavery (1878: 40-1).<sup>2059</sup> Is maith is féidir gurb ionann, óir insíonn an Br. Pádraig dúinn in MN R79 gur bhall d’Ord San Doimínic é, díreach mar a bhí sa Bhr. Burns.<sup>2060</sup>

---

<sup>2055</sup> Le Walter Luin. Cuireadh an t-amhrán in eagar in *Breathnach* (1932).

<sup>2056</sup> MN R79, lch 350.

<sup>2057</sup> Ba é Ó Cuív (2001: 34) a luaigh sin den chéad uair. Féach an plé ar Phádraig Mac Oghannáin i gCaib. 2.91 thuas, agus na nótaí ar lámhscríbhinní Cho. Mhuineacháin i gCaib. 1.4.1.3, agus ar Cho. an Dúin i gCaib. 1.4.2.1.

<sup>2058</sup> Féach nóta 618 thuas.

<sup>2059</sup> ‘Along the banks of the River Mudock, in the townland of Ballymoney, are the few remains of the ruined church of Kilcoo. ... Near the site of the altar are interred the remains of Friar Burns, who died in the 74<sup>th</sup> or 75<sup>th</sup> year of his age, about the year 1817. The friar was born in Ballymagreehan; he generally resided in Burren-reagh, and was the last of the Dominicans in this locality’ (O’Lavery 1878: 40-1). Maidir leis an malartú idir ‘Burns’ agus ‘Byrne’, féach an cuntas ar Shéamus Ó Brinn i gCaib. 2.116 thíos.

<sup>2060</sup> Lch 350. Níor síníodh an nóta seo a breacadh 14 bliana i ndiaidh na lámhscríbhinne féin, ‘Fins [*sic*] íarna sgriobhadh le brathar d’Ord St. Dominic, 1795’, ach d’aithin Ó Fiannachta an pheannaireacht, *M.N. Cat.*, iv, 98. Ní thagraíonn O’Lavery (1878) d’aon sagart nó bráthair eile dar shloinne sin ach an bráthair Doimíniceach a luadh cheana.

ARÉ 23K45 (a) (481). } ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Mac na  
 ARÉ 23B18 (494).<sup>2061</sup> } Míchomhairle’, laoithe fiannaíochta, dánta le  
 Pádraig Mac a Liondain, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Peadar Ó Doirnín,  
 srl. 1810.

An méid a deirtear i dtaobh an scríobhaí seo, deirtear é ar an tuiscint gurbh aon duine amháin an té a scríobh an dá leabhar thuas, agus an máistir sin de chuid an *Irish Society*, James Byrne ó Cho. na Mí, dár scríobh Mícheál Muimhneach Ó Ceallacháin lámhscríbhinn sa bhliain 1829. Ba as Co. na Mí don scoláire seo, dar le Peadar Ó Gealacáin,<sup>2062</sup> agus is féidir gur rugadh é i bparóiste na Cille Bige.<sup>2063</sup> Is fiú a lua nach gceanglaíonn de Brún (2009: 159-61) é le scríobhaí ARÉ 23K45 (a) (481) + ARÉ 23B18 (494), agus tugann saothair eile dá chuid le fios go raibh Pádraig de Brún eolach ar na lámhscríbhinní sin an uair a scríobh sé an cuntas úd ar an máistir sin. Pléifear na deacrachtaí a bhaineann leis an gceist seo ar ball. Tugann an pheannaireacht in ARÉ 23K45 (a) (481) agus in ARÉ 23B18 (494) le fios go raibh cur amach maith ag Séamus Ó Brinn an scríobhaí ar dhéanamh na lámhscríbhinní faoin mbliain 1810.

Tagraítear do Chaitliceach darbh ainm James Byrne a bhí ag múinteoireacht sa Bhaile Nua, Co. na Mí, i *dTuarascáil* 1824.<sup>2064</sup> Cé nach raibh sé nasctha le cumann ar bith nuair an líonadh an tuarascáil sin, bhí duine darbh ainm sin ar rollaí pá an

<sup>2061</sup> Táthar ar an eolas le fada gur lámhscríbhinn amháin an dá bhlogh seo ó cheart; féach Mac Giolla Léith (1993: 40), mar shampla.

<sup>2062</sup> Thug Peadar Ó Gealacáin ‘a County Meath man who remained for some time in the Co. Cork’ air sa nóta a chuir sé le ARÉ 24P11 (1067) sa bhliain 1845; gheofar cóip de in Ó Buachalla (1968: 280).

<sup>2063</sup> Ar údarás colafon in ARÉ 24P11 (1067), lgh 285, 311. Ghráf Mícheál Muimhneach Ó Ceallacháin an lámhscríbhinn seo do Shéamus, mar a fheicfead ar ball. Ó tharla go ndeir sé gurbh ‘ó Chonntae na Míche, a bporóiste Chille Bige’ é Séamus, is doiligh a rá cé acu is é a áit bhreithe atá i dtrácht, nó ba sa pharóiste sin a bhí cónaí ar Shéamus sular fhág sé Co. na Mí sa bhliain 1826. D’fhill sé ar Cho. na Mí ina dhiaidh sin.

<sup>2064</sup> Lgh 740-1.

*Irish Society* ó mhí Lúnasa 1824 ar aghaidh, agus dhealródh sé gurb é an duine céanna é. Tá taifeadta i leabhair miontuairiscí an *Irish Society* faoin 30 Márta 1826 go raibh an teagascóir seo le seoladh go Co. Mhaigh Eo mar mháistir taistil, agus tugadh costais dó ar an 2 Meitheamh 1826, an 30 Meitheamh 1826, agus an 7 Iúil 1826, lena chlann a thabhairt leis ó dhúiche Dhún an Rí.<sup>2065</sup> Luaitear é sna rollaí pá faoi dhúiche Chlár Chlainne Mhuiris i mí Lúnasa 1826, ach deirtear i miontuairiscí an 6 Deireadh Fómhair 1826 go raibh sé tar éis a chúl a thabhairt ar an áit. Socraíodh ar a chur chuig an Oir. George Cotter i ndúiche Mhala, áit ar ceapadh ina chigire é ar an 26 Eanáir 1827 ar thurastal £30 sa bhliain (de Brún 2009: 159-60). Ba mhór an t-ardú céime sin dó, agus chuaigh sé féin agus a chlann go Co. Chorcaí go gairid ina dhiaidh sin.

Chuir sé aithne ar Mhícheál Muimhneach Ó Ceallacháin (*fl.* 1824-34)<sup>2066</sup> le linn na tréimhse sin, scoláire Gaeilge ar féidir é a cheangal leis an duine darbh ainm sin a bhí nasctha le scoileanna an *Kildare Place Society* agus leis an Oir. Cotter (de Brún 2009: 160 *n.2*). Ba do Shéamus go speisialta a scríobh Mícheál Muimhneach ARÉ 24P11 (1067), cnuasach maith de laoihe fiannaíochta, sa bhliain 1829: deir sé linn i gcolafon gur ghráf sé í ‘chum usaide Sheamuis Uí Bhuirnn ó Chonntae na Mídhe, a bporoiste Chille Bige’.<sup>2067</sup> Cheap sé rann go speisialta do Shéamus fosta,

Aug sin agad, a Uí Bhuirnn chaoín,  
 cuntas cruinn & tuarasgabhail  
 ar gach friotal is comhradh grinn  
 [d]o chan Oisín re Padraig traith.  
 Iomp(h)aigh duille is feuc<h> thall go cruinn,  
 a leighthóir ghrinn is lean do lámh,

<sup>2065</sup> Tagraíonn na miontuairiscí do ‘his family’. Theip orm aon eolas a aimsiú fúthu.

<sup>2066</sup> Féach de Brún (2009: 160 *n.2*). Tá blogh de dhán in ARÉ 24P11 (1067), lch 312, a luaitear an tOir. Cotter sa dara rann de, *Do cSeó[r]si a Coitir is fallus don tír nár gheillis*. Féach an *R.I.A. Cat.*, 2975. Ba é Mícheál Muimhneach a cheap é, is dóigh.

<sup>2067</sup> ARÉ 24P11 (1067), lch 311. Deir Mícheál Muimhneach ag bun lch 285, ‘For my friend I. Bne’.

is gheobhair c(h)aoi athruadhach Oisín chríon  
a nd(h)iaidh na laoi ch *air* a dhul chum báis.<sup>2068</sup>

Is eol dúinn fosta go raibh Séamus ag cur faoi i Mala, Co. Chorcaí, in 1830, óir  
luaitear é mar shíntiúsóir le saothar Eoghain Uí Choinniolláin, *The Gospel  
According to St. John ...*, a priontáladh sa bhliain sin (de Brún 2009: 161). Briseadh  
as a phost é san *Irish Society* an 20 Bealtaine 1831 (de Brún 2009: 160). Dealraíonn  
sé gur fhill sé ar Cho. na Mí ina dhiaidh sin, agus bhí sé ag cur faoi ann nuair a dhíol  
sé ARÉ 24P11 (1067), an lámhscríbhinn Mhuimhneach, le Peadar Ó Gealacháin. Deir  
Peadar linn i nóta a chuir sé leis an lámhscríbhinn am éigin idir an bhliain 1845 agus  
bliain a bháis, 1860, go bhfuair sé mar bhronntanas í ó Shéamus, agus gur dheisigh  
sé í thart faoi mhí Dheireadh Fómhair 1845,

This manuscript was transcribed and finished about the 9th March A.D. 1829  
by one Michael O'Callaghan or as he calls himself "Mithchael Múmhaíneach  
Ua Ceallachan" .i. Munster Michael Ó Ceallachan. But unfortunately like  
many other MSS. the beginning and end of this happened to be destroyed by  
neglect of not covering it in time; it was shortly afterwards made a present of  
by O'Callaghan to one James Byrne a County Meath man who remained for  
some time in the Co. Cork. It was afterwards sold by said Byrne to P.  
Gallegan ... It was neatly repaired and bound ... about the latter end of  
October, A.D. 1845 ...<sup>2069</sup>

Tá síniú Shéamuis ar dhá lámhscríbhinn eile, is féidir: LBO Ir.e.4 (b) (16) a scríobh  
Tomás Mhag Ceitearu (*q.v.*) ó Ghréach na Ruag i ndeisceart Cho. Mhuineacháin;  
agus an lámhscríbhinn thábhachtach sin, ARÉ 24P4 (92), a scríobh Pádraig Mac  
Oghannáin (*q.v.*) sa bhliain 1687, agus a bhí i seilbh Phádraig Uí Bhrinn agus Airt  
Mhic Bhionaid tráth.

---

<sup>2068</sup> ARÉ 24P11 (1067), lch 275.

<sup>2069</sup> Ó Buachalla (1968: 280). Nuair a chuir Peadar Ó Gealacháin catalóg de na lámhscríbhinní a bhí ar  
díol aige chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 12 Aibreán 1854, thug sé mar mhír 7 sa chatalóg,  
'Draóigheantour and many other pieces (a Munster copy) 326 [lch]. Pages lost in beginning and end',  
LN G702(20), mír 2; féach Ó Buachalla (1968: 243).

Chum Art Mhac Bionaid dhá aoir ar pháobaire darbh ainm Séamus Ó Broin (Ó Brinn) sa bhliain 1825, *Thug mé ruaig fá bhruach na tíre*, agus *Ghlac mise réim go séidfinn port ar an phíb*. Ní léir cé acu is ionann an duine seo agus an scríobhaí, nó nach ionann, ach is spéisiúil go ndéantar tagairt don scoil a bhí ar bun ag Séamus an páobaire i gceann de na dánta seo, tharla go raibh an Séamus Ó Brinn seo againne ag fáil díolaíocht ón *Irish Society* an uair sin:

Bhí roinn den fhéin seo go céimiúil státúil,  
Cuid eile ag léamh go cléiriúil cráifeach,  
Bhí Ó hAnluain ina léice ag méadú an charnáin,  
Is bhí an Branach ag méiligh is ag séideadh a chuid málaí,

Más don eaglais a luadh na guadaí gan eolas, ...<sup>2070</sup>

Bhí an tuairim ag Ó Caithnia & Ó Fiaich (1979: 84), ámh, gur mhac-chléirigh ag déanamh staidéir faoin máistir seo iad Ó hAnluain agus an bheirt eile—Ó Luain agus Ó hAnnraichtaigh—a luaitear áit eile sa dán, rud nach n-éascaíonn Séamus an dán a cheangal leis an scríobhaí, b'fhéidir. Thagair Pádraig de Búrca (*q.v.*) do 'James Burns' [*? recte Byrne*] éigin i gceangal le clár lámhscríbhíne in LN G199(1),<sup>2071</sup> ach níor mhiste a mheabhrú nach ainm neamhchoitianta James Byrne / Burns.

Chonaic muid sa chuntas ar an mBr. Pádraig Ó Brinn (*q.v.*) gur chléireach é ó dheisceart Cho. an Dúin, agus go raibh aithne aige ar Eoin Ó Gribín (*q.v.*), scríobhaí Gaeilge ón dúiche chéanna. Tá leideanna againn go raibh tionchar éigin ar chnuasaigh lámhscríbhíne na beirte seo ar Shéamus Ó Brinn, leideanna a chaitheann amhras éigin, b'fhéidir, ar an argóint gurbh aon duine amháin Séamus Ó Brinn an scríobhaí agus an máistir ó Cho. na Mí ar a ndearnadh plé thuas. Is é an leid is mó

<sup>2070</sup> Seo *Thug mé ruaig fá bhruach na tíre*, ll. 5-9; tá an dá dhán seo i gcló, maille le nótaí breise, in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 34-5, 83-5).

<sup>2071</sup> LN G199(1), lch 1, 'Aitrach an Mhadara Mhaoil, Aitrach Aodh Mhig Goireac[h]taigh, Imdheach[t] na Tromdhaimh nhima(?) feain(?) by James Burns'. Féach fosta LN G199, lch 27.

acu sin gur dóigh gur cóipeáladh an saothar a luadh le Séamus sa chuntas seo, ARÉ 23K45 (a) (481) + ARÉ 23B18 (494), as leabhar a scríobh Eoin Ó Gribín i gCo. an Dúin sa bhliain 1799. Is dóigh gurbh iad de Brún & Herbert (1986: xvii n.57) a thug faoi deara den chéad uair go raibh lorg láimhe Phádraig Uí Bhrinn agus Shéamuis Uí Bhrinn beirt ar ARÉ 24P4 (92). Thuairimigh Ó Cuív (2001: 34) fosta, ag tarraingt ar nótaí de Brún & Herbert (1986: xvii n.57), gur léiriú eile ar an gceangal idir ARÉ 24P4 (92) agus LBO Ir.e.4 (a) (16) go bhfuil an t-ainm ‘James Byrnes’ scríofa in LBO Ir.e.4 (a) (16),<sup>2072</sup> faoin dáta 1820, agus go dtugtar an t-ainm céanna, ‘Seamus Ua Bhruin’,<sup>2073</sup> ar imeall leathnaigh in ARÉ 24P4 (92). Thaispeáin Ó Cuív (2001: 34), de bhreis ar an méid sin, gur cosúil gur baineadh cuid mhaith d’ábhar ARÉ 23K45 (a) (481) + ARÉ 23B18 (494), rud a scríobh Séamus Ó Brinn sa bhliain 1810, as lámhscríbhinn Eoin Uí Ghribín, LBO Ir.e.4 (a) (16). Ar an ábhar go ndeir Peadar Ó Gealacháin go raibh aithne aige ar scoláire Gaeilge ó Cho. na Mí darbh ainm James Byrne a chaith seal ina mháistir leis an *Irish Society*, an té dár scríobhadh ARÉ 24P11 (1067) i gCo. Chorcaí sa bhliain 1829, agus gur scríobh Séamus Ó Brinn éigin ARÉ 23K45 (a) (481) + ARÉ 23B18 (494) thart faoin am céanna, 1810, téann sé le céill gurbh aon duine amháin iad. Tugann scríobhaí ARÉ 24P11 (1067), mar a dúradh cheana, le fios gurbh as paróiste na Cille Bige do Shéamus. Is fiú cuimhneamh air nach sonraíonn Séamus Ó Brinn, scríobhaí ARÉ 23K45 (a) (481) + ARÉ 23B18 (494), cá raibh cónaí air nuair a scríobh sé iad, agus go mbraitheann an t-eolas uilig a tugadh cheana ar an tuiscint gurbh ionann an scríobhaí seo agus Séamus Ó Brinn (*al.* James Byrne), an máistir a raibh aithne aige ar Pheadar Ó Gealacháin. Caitheann an t-eolas a thugtar thuas i dtaobh eiseamláir ARÉ 23K45 (a) (481) + ARÉ 23B18 (494) cuid mhaith amhrais ar an méid seo. An bhfuil sé le

<sup>2072</sup> LBO Ir.e.4 (a) (16), f. 45v.

<sup>2073</sup> ARÉ 24P4 (92), lch 277.

tuiscint as nótaí de Brún & Herbert (1986: xvii *n.*57) agus Uí Chuív (2001: 34) go raibh páirt ag Séamus Ó Brinn—scríobhaí ARÉ 23K45 (*a*) (481) + ARÉ 23B18 (494)—le Pádraig Ó Brinn ó Chill Chua, Co. an Dúin, ar an ábhar gur cosúil gur láimhseáil sé eiseamláirí agus lámhscríbhinní dá chuid agus de chuid a charad, Eoin Ó Gribín ó Cho. an Dúin? Ní dóigh liom gur féidir sin a áiteamh go fóill. Má bhí Seamus Ó Brinn an scríobhaí ag plé le scríobhaithe ó Cho. an Dúin, lagaíonn sé go mór an argóint go bhfuil sé le ceangal leis an máistir ar ar thug Peadar Ó Gealacáin ‘a County Meath man’. Ar an taobh eile den scéal, níl aon fhaisnéis againn go raibh scoláire Gaeilge darbh ainm Séamus Ó Brinn i gCo. an Dúin sa chéad cheathrú den 19ú hAois. Ná ní gá gurbh é Eoin Ó Gribín a chuir na seanleabhair sin i lámha Shéamuis: níl sé dochreidte gurbh aon duine amháin an scríobhaí agus an máistir, agus go bhfuair sé LBO Ir.e.4 (*a*) (16), agus an seaneiseamláir, ARÉ 24P4 (92), ó shealbhóir eile ar fad. Níl réiteach na ceiste agam, agus is féidir go raibh muid ag trácht ar dhuine eile ar fad darbh ainm Séamus Ó Brinn i gcuid den chuntas seo thuas.



**Ollscoil  
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

# **SCRÍOBHAI THE GAEILGE AN TUAISCIRT, 1650-1900: BEATHAISNÉISÍ**

**Ceithre Imleabhar:**

**Imleabhar a Trí**

**Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad**

**don chéim dochtúireachta ag**

**Fintan Brian Keegan**

**Roinn na Nua-Ghaeilge**

**Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta**

**Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire**

**Lúnasa 2019**

**Ollamh na Nua-Ghaeilge: An tOll. Fionntán de Brún**

**Stiúrthóirí: An tOll. Ruairí Ó hUiginn agus an Dr Brian Ó Catháin**



## 2.117. Cormac Ó Caiside, *fl.c.1675*

**ARÉ E.iv.2 (995).** Cuid di.<sup>2074</sup> ‘Seanráite Iopocráid’ (cuid díobh).

[*c.1675*].<sup>2075</sup>

Tá lámh chaol mhírialta de chuid na 17ú hAoise ag an scríobhaí seo, a thugann ‘Cormac O Caiside mhac Connla’<sup>2076</sup> air féin. Maidir leis an bpáirt a mheastar a bheith aige leis an té a scríobh an chuid eile den leabhar seo, féach an cuntas Énrí Ó Caiside i gCaib. 2.119 thíos.

## 2.118. Éamonn Ó Caiside, *fl.1676-1704*

**ARÉ 24P3(4) (451).** Tráchtas ar an mbolgach francach. 1676. Do *Sheán Ó Caiside*.<sup>2077</sup>

**ARÉ 23O57 (h) (1366).** Giota de thráchtas ar an mbolgach francach. Do *Sheán [Ó Caiside]*.<sup>2078</sup>

Tá an beagán eolais atá ar fáil faoin scríobhaí / file<sup>2079</sup> seo curtha le chéile ag Maighréad Níc Philibín (1938), maille le heagrán d’fhormhór a chuid dánta.<sup>2080</sup>

---

<sup>2074</sup> Tá dhá leabhrán ceangailte le chéile anseo: [*a*] atá ríofa 1-[38], 51-[54], 39-[50], 55-[66], de réir leathanach ón dara duilleog ar aghaidh; agus [*b*] atá ríofa 1-15 de réir duilleog + 7 nduilleog gan ríomhadh, ach is léir go bhfuil an dá bhlogh le chéile le fada an lá. Cóip de ‘Seanráite Iopocráid’ atá i gcuid [*a*]. Is léir, dar liom, gur obair bheirte atá sa lámhscríbhinn seo—lámh **A** a scríobh cuid [*a*], lgh 1-14; agus lámh **B** a scríobh an méid eile, seachas breiseanna, srl. An chuid atá i láimh **B**, shínigh Énrí Ó Caiside (*q.v.*) í i gcúpla áit, agus ní ceist dúinn gur ghráf sé an chuid seo. Ar lch 7, tá an t-ainm ‘Cormac O Caiside mhac Connla’ scríofa i láimh **A**. Ba dhóigh le FitzPatrick agus Mulchrone, *R.I.A. Cat.*, 2835, gur scríobh Énrí Ó Caiside an lámhscríbhinn go léir, áfach, agus áiríonn siad síniú Chormaic Uí Chaiside i measc an ábhair sheachtraigh atá inti.

<sup>2075</sup> Féach na dátaí a thugtar áiteacha eile sa leabhar seo i gcolafoin Énrí Uí Chaiside.

<sup>2076</sup> ARÉ E.iv.2 (995), lch 7.

<sup>2077</sup> Grafadh na codanna de ARÉ 24P3 (451) agus ARÉ 23O57 (1366) atá i bpeannaireacht Éamoinn do Sheán mac Mhuiris Bhallaigh mhic Mhuiris Uí Chaiside, agus dhealródh sé gur féidir gur codanna d’aon lámhscríbhinn amháin atá iontu, ó tharla gur bhain an dá ghiota seo le cnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh uair, agus go bhfuil ábhar leighis a thráchtann ar an mbolgach francach iontu beirt.

<sup>2078</sup> Lch 2. Féach nóta 2077 thuas.

<sup>2079</sup> Is léir nach bhfuil Ó Baoill (2007: 82) cinnte gurbh aon duine amháin an file agus an scríobhaí: ‘Agus tá lámhscríbhinn leighis againn ó lámh **Éamainn Uí Chaiside** ... is féidir gurb é sin an file Éamann mac Néill Ruaidh ...’ Glacaim leis gurb ionann iad; féach nóta 2082 thíos.

Bhailigh Éamonn Ó Tuathail (1939; 1940; 1940a; 1941-2) tuilleadh sonraí ar bhail éagsúla de mhuintir Chaiside, teaghlach léannta ag a mbíodh ceangal láidir le déantús lámhscríbhinní leighis i mBreifne ón 13ú hAois ar aghaidh (Níc Philibín 1938: 99), áit ar lianna do Chlann Mhig Uidhir iad.<sup>2081</sup> Scríobhadh cuntas eile ar Éamonn in *Beath.* 1560-1781, 105 col. a – 105 col. b.

Scoláire idir dhá ré a bhí in Éamonn Ó Caiside mac Néill mhic Éamoinn mhic Giolla Phádraig Mhaoil mhic Aodha mhic Cormaic mhic Uilliam Ghlais,<sup>2082</sup> sa dóigh gur lean sé de thiomsú lámhscríbhinní leighis in aois a óige, ar a laghad,<sup>2083</sup> agus gur thosaigh sé a chumadh dánta sa seanchruth, agus roinnt amhrán fosta, ina dhiaidh sin. Mar lia a bhí iomrá air ar feadh a shaoil, is dóigh, tharla go dtugtar ‘lfaigh fiosach fioreólach’<sup>2084</sup> air i gceanteideal a chuir Aodh Ó Dálaigh le dán dá chuid ina lámhscríbhinn CT H.1.14 (1288). Bhí beirt deartháireacha aige, Fearghus agus Philib

---

<sup>2080</sup> Tugtar cuntas thíos in Aguisín 10 ar na dánta dá chuid atá feicthe agam i lámhscríbhinní an Tuaiscirt.

<sup>2081</sup> Is ar an ábhar sin a cláraíodh é, agus na scríobhaithe déanacha eile dar sloinne sin, faoi Cho. Fhear Manach in Ó Baoill (2007: 82). Tá ciall ag baint leis sin gan amhras, ach ní féidir a bheith cinnte go raibh cónaí air sa chontae sin.

<sup>2082</sup> Tugann na lámhscríbhinní ‘Éamonn mac Néill Ruaidh’, srl., air, de ghnáth: féach dán (a) in Aguisín 10, ‘Eamann Ó Caiside i<sup>c</sup> Neill Ruaidh’, CT H.6.15 (1419), lch 90; dán (b), ‘Emunn Ó Caisside mac Néill Ruaidh’, CT H.6.15 (1419), lch 98, Níc Philibín (1938: 104n.); dán (d), ‘Emonn Ó Caisside mac Néill Ruaidh’, CT H.6.15 (1419), lch 125; dán (f), ‘Emond *ceadhna* Ó Coisside .i. lfaigh fiosach fioreólach’, CT H.1.14 (1288), f. 163v, Níc Philibín (1938: 120); dán (h), ‘Eadhmon mhic [*sic*] Néill Rúaidh Ui Caisside’, LN G809, lch 226; dán (i), ‘Éadhmon mac Néill Rúaidh Ui Chaiside’, LN G809, lch 226; dán (l), ‘Eumann Ua Caiside mac Neill Ruaidh’, LN G167, lch 363. Cuir sin i gcomórtas leis an ngeinealas seo óna láimh féin sa cholafon atá le ARÉ 24P3(4) (451), lch 241, ‘Éumann O Caiside mac Néill mhic Éumainn mhic Giolla Phattraic Mháoil’; tá cóip de in Ó Tuathail (1939: 153).

Féach na sleachta seo a leanas as *Geinealaighe Fearmanach* (atá luaite cheana ag Ó Tuathail (1939: 153)):

‘1159. Clann Éamuinn *mc Giolla Pádrui*g mhaoil mhic Aodh mhic Corbmuic mhic Uilliam ghlais .i. Niall ruadh.

1160. Clann Neill ruadh .i. Fearghus, Emonn, Philib búidhe.

1163. Clann Émuinn mic Néill ruaidh mhic Émuinn mhic *Giolla Padruig* mhaoil .i. Niall ruadh, Émonn agus Pilib.

1164. Clann Neill ruaidh mac Émuinn mac Néill .i. Símon’ (Ua Cadhla 1931: 138).

<sup>2083</sup> Níl in ARÉ 23O57 (h) (1366) ach duilleog aonair ina láimh, blogh de scríbhinn éigin a tharla i seilbh Roibeaird Mhic Ádhaimh. Is féidir gur lean Éamonn air ag cóipeáil lámhscríbhinní leighis go dtí deireadh a shaoil, ach níl cruthú againn go ndearna ná nach ndearna sé amhlaidh.

<sup>2084</sup> Féach nóta 2082.

Buidhe, agus triúr mac ar a laghad, Niall Ruadh, Éamonn, agus Pilib.<sup>2085</sup> Dhealródh sé go raibh sé nasctha go láidir seal fada le Tadhg Ó Rodaighe, ‘Maecenas na dúithche’, dar le Níc Philibín;<sup>2086</sup> chum Éamonn roinnt píosaí air agus ar bhaill dá theaghlach, mar aon le dánta eile ar uaisle an Tuaiscirt, Brian mac Con Chonnacht Mhóir Mhig Uidhir, mar shampla. Más fíor go bhfuil cuid mhaith eolais ar fáil faoina mhuintir, is doiligh teacht ar aon eolas cruinn faoin áit a raibh cónaí ar Éamonn, nó ar chuid mhaith de na scríobhaithe dar sloinne Ó Caiside a bhí beo sa 17ú hAois. D’fhéadfadh sé go raibh cuid acu scaipthe chomh fada soir agus Co. Lú nó Co. Mhuineacháin. Is dócha go raibh cónaí ar Éamonn i gCo. Liatroma lá dá shaol, mar luann sé go raibh sé ar Ghlinn Fhearna in amhrán dá chuid,<sup>2087</sup> ach is féidir nach bhfuil i gceist anseo ach caint mheafarach. Ba sa chontae sin, ar ndóigh, a bhí cónaí ar Thadhg Ó Rodaighe, ach cheap Éamonn dánta ar uaisle Cho. Fhear Manach<sup>2088</sup> agus Cho. Mhuineacháin<sup>2089</sup> fosta, agus is féidir gur shiúil sé cuid mhaith de Bhréifne agus de na contaetha fá gcuard lena linn. I gcúpla dán, déanann sé corthagairt dá shaol féin, mar a thug Níc Philibín (1938: 103) faoi deara, cé nach bhfuil mórán le foghlaim astu, ionann is go sciorrann corr-rud uaidh de thaisme.

<sup>2085</sup> Féach nóta 2082 thuas, mar a bhfeicfear go raibh garmhac aige fosta, Síomón mac Néill Ruaidh Uí Chaiside.

<sup>2086</sup> Níc Philibín (1938: 97). Is é an oidhreacht is mó a d’fhág Tadhg Ó Rodaighe (*ob.*1706) againn sa lá atá inniu ann, b’fhéidir, gur chuir sé scoláirí agus filí ó gach cearn den Tuaisceart i dteagmháil lena chéile ar bhonn amháin nó eile. Is dóigh go ndearnadh sin trína scoil féin go minic, áit ar cumadh agus ar teaglamadh cuid mhaith ábhair, díreach mar a rinne Tadhg Ó Neachtain agus a athair Seán Ó Neachtain i gcathair Bhaile Átha Cliath fiche bliain ina dhiaidh sin. Bhí na baill den scoil sin—leithéidí Sheoin Mhic Sholaidh agus Risteaird Tuibear—go mór faoi anáil shaothair Thaidhg Uí Rodaighe agus a chomhghleacaithe. Féach, mar shampla, na tagairtí a dhéanann Seon Mhac Solaidh agus Risteard Tuibear dó ina gcuid ginealach, ARÉ 23M17 (153), lch 80 col. a; ARÉ 23D5 (156), lgh 281, 297; LN G177, lch 28 col. a. Is mó is trua é, dá bharr sin, nach bhfuil mórán againn óna láimh ach cúpla tráchtas agus nótaí mínithe ar sheanleabhair de chuid a chnuasaigh. Is féidir tuairim mhaith a fháil faoi mhéid leabharlann Thaidhg Uí Rodaighe ón litir a scríobh sé chuig Edward Lhwyd, ní atá i gcló in Ó Ciardha (1977-8: 269-70). Is iomaí uair a rinneadh plé air; féach Níc Philibín (1938: 93-9), Logan (1971), Ó Ciardha (1977-8), agus *Beath.* 1560-1781, 167 col. a – 168 col. b. Gheofar cuntas an-gherr ar lámhscríbhinní agus ar fhilí na scoile seo i gCaib. 1.4.6.2.

<sup>2087</sup> Dán (j), *A Chataí bhéasach is deise féachaint*, in Aguisín 10 thíos.

<sup>2088</sup> Féach dán (e) in Aguisín 10, *Faoidh Fir Mhanach anocht*.

<sup>2089</sup> Féach dán (g) in Aguisín 10, *Trom tubaisde ar shíol gColla*.

Míníonn sé, mar shampla, an dóigh ar tharla sé i gcomhlúadar Thaidhg Uí Rodaighe i ndán amháin dá chuid,

Ar mbeith anbhfann ársaidh dhamh  
ar lorg éigeas is ollamh  
idir ghallaibh ghuint Logha  
fachain mh'uilc an chomhrogha.<sup>2090</sup>

Na dánta úd de chuid Éamoinn nár cailleadh le himeacht aimsire, tá a mbunáite ar caomhnú i gcóipeanna aonair a breacadh i mBaile Átha Cliath go luath san 18ú hAois—CT H.6.15 (1419) a scríobh Muiris Ó Nuabha, ach go háirithe—agus ní ceist dúinn nach bhfuil againn ach iarlais bheag dár scríobh sé. Tá ráite ag Níc Philibín (1938: 100) go raibh sé gníomhach mar fhile idir na blianta 1690 agus 1716, cé nach luann sí údarás le ceachtar den dá dháta sin. Ní féidir liom teacht ar dháta ceaptha ach in aon dán amháin dá chuid, *Slán fá éirghe Elíse*, a ndeirtear ina thaobh sa cheannteideal gur cumadh é i mí an Mheithimh 1704, agus is léir ó chuntas Níc Philibín (1938: 100) gurbh é ábhar an dáin, *Faoidh Fir Mhanach anocht*, a thug uirthi a scríobh go raibh Éamonn ag cumadh thart faoi 1690: is dóigh nár cumadh i bhfad i ndiaidh Chath Eachdhroma (1691) é, dar léi. Ní fios dom cá bhfuair sí an dáta deiridh.<sup>2091</sup>

Ní heol dúinn gur lean Éamonn air ag cumadh agus ag scríobh nuair a druideadh an scoil sin go luath san 18ú hAois, ná gurbh ann dó, fiú, nuair a cailleadh Tadhg Ó Rodaighe sa bhliain 1706. Is féidir, mar a thuairimigh Flower cheana, *B.M. Cat.*, ii, 171, gurbh é a athair, Niall Ruadh Ó Caiside, an file Niall Ó Caiside a cheap an dán *Geall re flaitheas fuair mé do Chú Chonnacht Mag Uidhir (ob.1645)*. Shíolraigh an

---

<sup>2090</sup> Níc Philibín (1938: 104). Féach fosta dán (*d*), *Mó ná mionca tríall go Tadhg*.

<sup>2091</sup> Luann Ní Mhurchú & Breathnach, *Beath*. 1560-1781, 105 col. a, agus Ó Baoill (2007: 82) na dátaí céanna anseo, ach is léir ó na tagairtí a thugann siad gur ag tarraingt ar réamhaiste Níc Philibín a bhí siad.

scríobhaí agus máistir scoile, Philip Ó Caiside (*q.v.*), comhghleacaí le Peadar Ó Gealacáin, go líniúil ó Philib Buidhe Ó Caiside, deartháir Éamonn, agus is dócha gurbh ón Philip seo a fuair Peadar Ó Gealacáin cuid de na píosaí a leagadh ar Éamonn in LN G809. Ní léir cé acu ó pheann, ó chnuasach leabhar, nó ó bhéal Philip a fuair Peadar Ó Gealacáin iad, áfach.<sup>2092</sup> Cibé acu a chum Éamonn na gíotaí seo nó nár chum, tagann siad leis an bhfianaise atá againn go gcumadh sé filíocht in aithris ar an dán díreach, ach gur chuir sé spéis ar leith in amhráin éadroma fosta, díreach mar a dhéanadh filí Ultacha eile de chuid a thréimhse, Eoghan Ó Donnghaile, cuir i gcás.

## 2.119. Énrí Ó Caiside, *fl.*1657-1703

[Henry Cassidye]

**ARÉ A.iii.2 (735).**<sup>†2093</sup> Cuid di. ‘Vita Christi’ [= ‘Smaointe Beatha Chríost’] (cuid de).

**ARÉ A.iii.4 (736).** ‘Eochairsgiath an Aifrin’.

**ARÉ A.ii.4 (738).**\* Cuid di. ‘An Leabhar Gabhála’ (cuid de).

<sup>2092</sup> Thagair Ó Tuathail do na píosaí seo—a dtugtar dán (*h*) – (*k*) orthu in Aguisín 10—cheana sa phlé a rinne sé ar an méid de mhuintir Chaiside a bhí ina scríobhaithe; ba ina sheilbh féin a bhí LN G809 an tráth sin: ‘Tá cúpla amhrán freisin i LS. de chuid Uí Ghealacáin atá ag fear sgríobhta na nótaí seo’ (Ó Tuathail 1939: 154 *n.*19). Gheofar insint ar an dóigh a bhfuair Ó Tuathail seilbh ar an lámhscríbhinn in 1917 ó John Russell, fear muinteartha le Owen Smyth (*q.v.*), in Russell (2016: 161-2). Tá cóip den litir agus pláta di ar lch 162. Tugtar an dá phársa is giorra anseo le go bhféadfar iad a chur i gcoimheas lenár fhoilsigh Níc Philibín (1938):

(*h*) Eadhmon mhic [*sic*] Néill Rúaidh Uí C[h]aisside .cc.  
 A theachtair, dean athghearadh an tsleibhe s[h]úas,  
 agus aithris don innear chiún tséimh mo chruas;  
 an aibghitir thug Cadmus a mbéul a’ tslúaidh,  
 gur thasdad[h] an dara litir déag di úam. LN G809, lch 226.

A réiteach: ‘O’. Ceann eile—

(*i*) Éadhmon mac Néill Rúaidh Uí Chaisside  
 Ma mharbhan tú me thríd éad,  
 éagfaidh do bhean dom dhigh;  
 eugfaidh tusa do c[h]úmhaigh na mná—  
 sin mar thiucfas bás an tríar. *March* 21<sup>st</sup>, 1824. LN G809, lch 226.

Is sliocht é an dán seo as an bpíosa *Abair leis ná déanadh éad*, dán a fhaightear i leaganacha éagsúla i lámhscríbhinní na 18ú hAoise, ach ní leagtar é ar Éamonn Ó Caiside in aon cheann acu. Tagann na cóipeanna beagnach uilig salach ar a chéile ó thaobh ord na rann de. Chuir Ó Rathile (1926: 103-4) cóip den téacs iomlán i gcló. Ní dócha gur chum Éamonn Ó Caiside an píosa seo.

<sup>2093</sup> Féach nóta 3260 thíos.

**ARÉ E.iv.2 (995).** Formhór di.<sup>2094</sup> ‘Seanráite Iopocráid’ (cuid díobh),  
‘Lilium Medicinae’, ábhar leighis eile. 1657, 1675. D’Aodh Ó Caiside.<sup>2095</sup>  
**OCH 500.** ‘Beatha Chríost’, ‘Eochairsgiath an Aifrinn’. 1703. Do *Bhrian*  
*Mhag Uidhir*.<sup>2096</sup>

Bhailigh Ó Maitiú (2013) lear mór nótaí spéisiúla ar an scríobhaí seo, agus tuairimíonn sé go bhféadfadh sé gurb ionann é agus an lia ‘Henricus Sadini’ a luaitear in ‘Eachtra Ghruagaigh na Creige agus na Cruite is an Tiompáin’.<sup>2097</sup> Cé nach féidir a bheith cinnte faoi sin ach oiread, tá na nótaí a cuireadh le chéile san alt an-áisiúil, agus bhain mé leas astu agus mé ag cur na beathaisnéise seo le chéile. An aiste luachmhar a d’fhoilsigh Ó Tuathail (1940a) ar scríobhaithe mhuintir Chaiside dár thagair mé cheana sa chuntas ar Éamonn Ó Caiside i gCaib. 2.118, ba mhór an gar dom í fosta.

Is féidir a rá i dtús áite nach ionann an scríobhaí seo againne agus an tÉnri Ó Caiside a raibh Fearghus Ó Caiside ag scríobh ábhar leighis ina theach,<sup>2098</sup> mar a mheas Ó Tuathail (1940a: 164-5). Is dóigh nach bhfaca sé an lámhscríbhinn sin a scríobh Fearghus Ó Caiside, LNA 72.1.11, riamh, ar bhlogh de sheanlámhscríbhinn mheamraim í. Is beag ábhar beathaisnéise atá ar fáil sna cúig lámhscríbhinn a bhreac Énri Ó Caiside ach na dátaí atá iontu—ARÉ E.iv.2 (995), a grafadh idir 1657 agus

---

<sup>2094</sup> Féach an cuntas a scríobhadh ar Chormac Ó Caiside i gCaib. 2.117 thuas. Ba eisean a scríobh an chuid eile de ARÉ E.iv.2 (995).

<sup>2095</sup> Sonraí ag teastáil. Luaitear mar phátrún é sa chuid den lámhscríbhinn (lch 65) a grafadh sa bhliain 1675; tá an colafon ina dtugtar a ainm i gcló i gCaib. 1.2.1, colafon 30.

<sup>2096</sup> Sin an Brian mac Con Chonnacht Mhig Uidhir (*fl.*1701-21) a bhfuil trácht air i nóta 1936 thuas.

<sup>2097</sup> Nílím suite de gurb é an scríobhaí seo againn é ach oiread, agus dhealródh sé gurb amhlaidh do Chiarán Ó Maitiú é féin, ach tá na nótaí a bailíodh san alt seo thar a bheith úsáideach. Maidir le húsáid leaganacha Laidine d’ainmneacha Gaelige sa téacs, féach Williams (1971-2: 320-1). Is éard a thugtar sa lámhscríbhinn, *Graniota filia Henrici Sadini*, agus léann Williams (1971-2: 320) ‘Gráinne Inghean Anraí mhic Shadhbha’ ar Laidin an údair.

<sup>2098</sup> Rud a bheadh intuigthe ón gcuntas gairid a scríobh Ó Tuathail (1940a: 164-5) air, díreach i ndiaidh an phlé a rinne sé ar Énri Ó Caiside é féin, óir luann sé Fergus O’Cassidy éigin atá cláraithe sna *Hearth Money Rolls* (1664-5) mar fhoinsé eolais ann. Féach Ó Baoill (2007: 82) i dtaobh LNA 72.1.11.

1675; agus scríobhadh OCH 500 sa bhliain 1703. Tá formhór na lámhscríbhinní eile gan síniú, ach is fíordhócha, ar bhonn na peannaireachta, gur scríobh Énrí iad. Ligeann na dátaí seo dúinn buille faoi thuairim a thabhairt ar bhliain a bhreithe: am éigin idir 1620 agus 1640, is dócha. Is léir ó cholafoin<sup>2099</sup> OCH 500 gur mhac le Connla Ó Caiside é Énrí, agus deir an té a ghráf ARÉ E.iv.2 (995) i bpáirt leis, Cormac Ó Caiside (*q.v.*), gur mac é le Connla Ó Caiside áirithe fosta. Má chuirtear sin i gcomórtas leis na ginealaigh a chuir Labhrás Ó hArann le chéile in *Ginealaighe Fearmanach* (1809), tchífead go bhfuil tagairt spéisiúil ann do Chonlla Ó Caiside áirithe a raibh seisear mac aige, beirt darbh ainm Énrí Óg agus Cormac ina measc,<sup>2100</sup> cé gurb é is dóichí go mbaineann siad leis an nglúin a tháinig roimh na scríobhaithe seo. Deirtear fosta nach raibh sliocht ar Énrí Óg agus Cormac an ghinealaigh, ach ní féidir sin a dhearbhu i gcás na beirte scríobhaithe.

Léiríonn an chóip de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ a scríobh Énrí Ó Caiside in ARÉ A.iii.4 (736), maille leis an leagan den ‘Leabhar Gabhála’ a d’athscríobh sé in ARÉ A.ii.4 (738), agus ábhar OCH 500 ach go mórmhór,<sup>2101</sup> go raibh baint aige le hathchóipeáil téacsanna cráifeacha agus staire, agus go ndeachaigh sé i dtreo réimsí eile léinn nuair a tháinig deireadh le ré na lianna dúchasacha, cosúil le hÉamonn Ó Caiside (*q.v.*). Caitliceach a bhí ann, is dóigh, más aon leid dúinn go raibh ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, saothar de chuid an Fhrith-Reifirméisin, á chóipeáil aige do phátrún Caitliceach, Brian Mhag Uidhir (*fl.*1701-21), pátrún a chuir an-spéis sa chineál ábhair sin. Ní dóigh liom gur féidir Énrí a aithint leis an ——— Ó Caiside ag

<sup>2099</sup> Níor áiríodh na leathanaigh i gceart go fóill, ach tá colafoin aige ag deireadh an dá shaothar, ‘Beatha Chríost’, agus ‘Eochairsgiath an Aifrinn’; tugann sé ainm a athar iontu beirt.

<sup>2100</sup> Baineadh an sliocht thíos as *Ginealaighe Fearmanach*:

‘1187. AG SEO SLIOCHT CHONNLA mhóir *mc Seaghuin bhúidhe mc Pilip bhuidhi mc Uilliam ghlais mc Póil mc Giollamochuada mc Giollamochuada .i. Émonn óg, Philib buidhe, Giolla Pádruiġ modartha[,] Feidhlime, Cormac agus Enrí óg. Dibaid Enri og agus Cormac’ (Ua Cadhla 1931: 139).*

<sup>2101</sup> Deir Ó Maitiú (2013: 43) go bhfuil scríobhaí OCH 500 ‘probably identical’ leis an té a luaitear in *Ginealaighe Fearmanach*.

a raibh LN G11 seal,<sup>2102</sup> ach is spéisiúil go raibh an leabhar sin idir lámha ag Seoirse Haidseír (*q.v.*) sa 17ú hAois, rud a mheabhródh dúinn go raibh an leabhar i gCo. Lú, nó in Oirialla, ar a laghad, sa dara leath den 17ú hAois.<sup>2103</sup> Síníonn Énrí agus cuireann sé dátaí le ARÉ E.iv.2 (995) go rialta,<sup>2104</sup> ach ní thugann sé ach leid amháin dúinn faoin áit nó faoi na háiteacha a raibh sé i mbun pinn, murab ionann agus scríobhaithe leighis eile:

Ni beag liom *sin* do sgríobhadh no go ttí lá oile 7 mé ag *tarruing* go  
<hA>onach an Droichitt an taonudha lá fíothad do mhi Sep<tember> 1657.  
Henry Cassidye.<sup>2105</sup>

Thuigfí uaidh sin go ngnáthaíodh Énrí aontaí, agus gurbh in Oirialla a bhí sé lonnaithe i dtús a shaoil. Is mó a shamhlaítear muintir Chaiside le Co. Fhear Manach, ar ndóigh, ó tharla gur lianna iad i seirbhís mhuintir Mhig Uidhir faoin seanrecht. Agus is féidir nár briseadh an seancheangal eatarthu go hiomlán, nó bhí Énrí ag cóipeáil téacsanna cráifeacha isteach in OCH 500 do Bhrian Mhag Uidhir sa bhliain 1703, mar a dúradh cheana, an duine ba mhó de chuid na seanteaghlach uasal a thug faoi deara lámhscríbhinní a chaomhnú agus a athscríobh sa Tuaisceart san 18ú hAois. Téann Énrí Ó Caiside ó thuairisc ina dhiaidh seo, agus is beag eolas atá ar fáil faoi stair OCH 500 nó go bhfuair John D’Alton seilbh uirthi sa 19ú hAois.<sup>2106</sup> Is maith a d’oir ceird an ghnáthscríobhaí d’Énrí: bhí lámh mhaith throm aige, agus tugann sé aire mhaith don phoncaíocht agus do leagan amach na lámhscríbhinne i gcónaí, sa dóigh go mbíonn siad maisithe le ceannlitreacha ornáideacha. Thug an tAth. Pádraig

---

<sup>2102</sup> Féach nóta 936 thuas.

<sup>2103</sup> Mar a míníodh i nóta 936, ní hionann an Brian Mag Uidhir ag a raibh LN G11 agus Brian Mhag Uidhir, an té a bhí ina phátrún ag mórán scríobhaithe idir 1701 agus 1721.

<sup>2104</sup> Féach Caib. 1.2.1, colafoin 30; Caib. 1.3 colafoin 74, 92, 93, 95.

<sup>2105</sup> ARÉ E.iv.2 (995), f. 3v. Tá bun an leathanaigh seo tollta.

<sup>2106</sup> Féach Ó Casaide (1928*a*: 16-18).



Ó Duinnín faoi deara nárbh aon mháistir foirfe ar an Laidin é.<sup>2107</sup> B'fhéidir go dtuigfí as ARÉ A.iii.2 (735), dea-chóip de 'Beatha Chríost' ar saothar beirte í, go raibh Énrí i mBréifne le fada an lá nuair a ghráf sé OCH 500 do Bhrian Mhag Uidhir. Ba é Conchubhar Ó Luínín [2] an té a ghráf an chéad chuid den bheatha sin in ARÉ A.iii.2 (735) sa bhliain 1693, agus tugann sé Muintir Chionnaoith, Co. Liatroma, mar log áit amháin sa lámhscríbhinn. Stadann Conchubhar Ó Luínín [2] go tobann i lár abairte, agus is i láimh Énrí atá an chuid eile den lámhscríbhinn. Ní thugann Énrí dáta ar bith ina chuid féin den obair.

De bhreis ar an méid seo, tá tranglam mór tagairtí fánacha againn do dhochtúirí nó lianna darbh ainm Henry Cassidy(e) i dtaifid éagsúla, cé go bhféadfadh sé go dtagraíonn an méid díobh atá cruinn do dhochtúir amháin a bhí gníomhach i ndeisceart Uladh i dtreo dheireadh na 17ú hAoise agus ag tús na chéad aoise eile. Ní féidir sin a dheimhniú sa deireadh thiar thall, ach is deimhin, cibé rud é, nach dóigh gurbh aon duine amháin: (a) an té a ghráf na lámhscríbhinní, ar a dtugaim 'Énrí Ó Caiside'; (b) an fear a luaitear i saothar Labhráis Uí Arann, *Geinealaighe Fearmanach*, 'Énrí Óg an ghinealaigh'; agus (c) an 'seisear' dochtúirí, **A – F**, a thugtar sna sé phointe seo thíos. B'fhearr, mar sin, na tagairtí a thabhairt leo féin, mar a rinneadh anseo:

**(A) An Dr Henry Cassidy** (*fl.*1675) a ndéantar tagairt dó in uacht bháis Patrick Duffy, Easpag Chlochair, rud a scríobhadh agus a cláraíodh sa bhliain 1675

---

<sup>2107</sup> Tá catalóg lámhscríofa istigh leis an lámhscríbhinn a chuir Pádraig Ó Duinnín le chéile, agus an méid seo aige faoi chumas an scríobhaí: '... the writing and spelling [is] of splendid quality. The language is of the seventeenth century, there being but few archaisms. ... The Latin quotations are somewhat slovenly and suggest want of proficiency of Latin in the scribe'.

(Ó Tuathail 1940a: 163), agus a cruthaíodh a bheith ina bhrionnúchán in 1688 (Corrigan 1912).<sup>2108</sup>

Luaitear an t-ainm ‘Henry Cassidy’ faoi thrí sa tiomna féin. Tugtar dhá dheonú ar leith do dhuine, nó do dhaoine, darbh ainm sin sa cheathrú halt,

... vnto my secretary Philipp Beggan seauen pounds, vnto my man Henry Cassidy fiue poundes ...

... vnto Doctor Henry Cassidy ye matter of a shute of Spanish cloath; vnto Rory Cassidy, chirurgian, three poundes ...<sup>2109</sup>

Anuas air sin, luaitear ‘Henry Cassidy’ i measc na bhfinnéithe a shínigh an tiomna, mar dhea, ar an 10 Meitheamh 1675.<sup>2110</sup> Más fíor go raibh an duine céanna i gceist sa dá shliocht thuas, b’olc mar scríbhneoir dlí an té a cheap an tiomna: is éard a thuigfí go loighciúil ón dóigh a mbaintear leas as an teideal ‘Doctor’ áit amháin agus é a bheith in easnamh áit eile, go raibh beirt ar leith i gceist ag an scríbhneoir. Dhealródh sé gur shearbhontaí de chuid an Easpaig an chéad duine, ‘my man Henry Cassidy’, agus gurb é an dochtúir leighis atá i dtrácht sa dara tagairt amháin. Thuigfí ó chaint an tiomna gur chuir duine den bheirt sin, ‘Henry Cassidy’, a ainm leis fosta, taobh le duine muinteartha leis an Easpag, agus an rúnaí a bhí aige, ‘Phius. Bigganus’. Téann sé le céill, mar sin, gurb é an searbhontaí an té a luaitear i measc na bhfinnéithe eile.

Thug an rúnaí seo, an tAth. Philip Biggin, agus duine den bheirt darbh ainm Henry

---

<sup>2108</sup> Ní ceist dúinn gur thiomna bréige é an tiomna sin, ach is dóigh nach gcaitheann sin amhras mór ar iontaofacht an eolais a thugtar i dtaobh Henry A ann, óir is dóigh go raibh an brionnadóir eolach faoi lucht cumainn an Easpaig Duffy, agus ar chúinsí a bháis. Téann sé le céill go gcaithfeadh sé a dhícheall leis na sonraí a thugtar sa tiomna a bheith beacht agus de réir a chéile; agus is féidir linn glacadh leis go bhfuil an t-eolas a thugtar i dtaobh Henry A chomh ceart is a bheadh sé dá mba é an tEaspag Duffy é féin a scríobh an tiomna sin.

<sup>2109</sup> Corrigan (1912: 198). Tugtar an tiomna ina iomláine in Corrigan (1912: 196-9).

<sup>2110</sup> Is iad seo na finnéithe a luaitear sa tiomna: ‘Witnesses being present: Hugh Duffy. Henry Cassidy. Phius. Bigganus Secrius’ (Corrigan 1912: 198). Deir Corrigan (1912: 198 n.3) i dtaobh ‘Phius. Bigganus’, ‘Father Philip Biggan was P.P. Mucknow, Co. Monaghan, in 1704; he was then 61 years of age, and a priest since 1666. During the legal proceedings in connection with the above will, in 1688, he deposed on oath that he had not attached his signature thereto. Henry Cassidy, whose name appears as a witness, made oath, on his own part to the same effect’.

Cassidy, mionna sa bhliain 1688 nach bhfaca ná nár shínigh siad an tiomna seo riamh. Ní dhéanann Corrigan (1912) dealú idir an bheirt seo, agus nuair a thrácht Ó Gallachair (1960-1) ar an tiomna céanna, gan rochtain a bheith aige ar an tiomna féin,<sup>2111</sup> scríobh sé an méid seo i dtaobh lucht comhluadair an Easpaig,

... his friends were men like his secretary, Fr. Philip Beggan ...; Fr. Patk. MaClave of Aghnamullan, Fr. John Reynolds, O.P. and laymen like Brian Mac Colla MacMahon and Dr. Henry Cassidy, later local Jacobite leaders... the will was declared a forgery and Dr. Beggan swore he wrote not a word of it. Dr. Henry Cassidy, the third alleged witness, gave similar testimony.<sup>2112</sup>

Má ghlacann muid leis gurbh é an searbhontaí an té a luadh mar fhinné sa tiomna, caithfidh sé gurbh é an searbhontaí é féin a thug na mionna sa bhliain 1688, á rá nach bhfaca sé an tiomna riamh. Ó tharla go luaitear daoine ó áiteacha eile sa tiomna, ó Dhroichead Átha go dtí an Mór-Roinn, ní féidir a áiteamh go raibh cónaí ar Henry A i gCo. Mhuineacháin nuair a scríobhadh é. Is fiú a lua go dtagraítear do ‘Rory Cassidy, chirurgian’ ann fosta.

**(B) An Dr Henry Cassidy** (*fl.*1672-90) a bhí fostaithe ag Mathew Plunkett, an 7ú Barún Lú.

Tugann tiomna Mathew, ní a chuir Mac Iomhair (1966: 71) i gcló, le tuiscint go raibh Henry B beo sa bhliain 1689, agus é fostaithe ag an teaghlach mar lia,

---

<sup>2111</sup> Cailleadh an tiomna nuair a scriosadh Sean-Oifig na dTaifead Poiblí sa bhliain 1922, agus ní heol dom go bhfuil cóipeanna eile de ar fáil, taobh amuigh dá bhfuil tugtha cheana féin ag Corrigan (1912). Níl, ar an drochuair, an mionn a thug Henry Cassidy sa bhliain 1688 i gcló aige.

<sup>2112</sup> Ó Gallachair (1960-1: 79). Ba chúramaí go deo Mac Iomhair (1966: 72 *n.3*),

His name, as well as that of Rory Cassidy “chirurgian,” appears as beneficiary in a document dated June the 10th, 1675, which purports to be the will of Doctor Patrick Duffy, bishop of Clogher, who describes himself of Aughnamullen. Probate was granted on September the 1st of the same year; but on June the 4th, 1688, the document was pronounced a forgery, two of the witnesses having sworn that they had not attached their signatures to it ... Doctor Duffy was succeeded in Clogher by the “Rd fat in God Patrick Tyrell” of Lord Louth’s will, who remained in that see until 1688 when he was translated to Meath.

... I leave ten pounds to Doctor Henry Cassidy for his faithful Care of me and do earnestly recommend him to my sons or the survivor of them to Consider and recompence him for his Care of myself and my family for the time past ...

Ceanglaíonn Mac Iomhair (1966: 72-3) an dochtúir seo, Henry **B**, le Henry **A**, an té a shínigh tiomna an Easpaig Duffy, agus áitíonn sé gurbh fhada a bhí Henry **B** i seirbhís Mathew Plunkett,

Henry Cassidy, Lord Louth's family doctor, carried on an avocation that was hereditary in the Fermanagh sept of O Caiside ... His association with the Louth family can be traced from 1672 to 1690 through his appearances as witness to deeds ... It is supposed that Oliver Plunkett respected his father's dying wish and gave Doctor Cassidy the recompense his faithful services deserved, which in those days would probably take the form of a grant of land. It is a fact, at all events, that the surname of Cassidy is still to be found both in the Lobinstown area of County Meath and in the vicinity of Louth village.<sup>2113</sup>

**(C) An Dr Henry Cassidy** (*fl.*1690), a bhí ina fhear cánacha i gCo.

Mhuineacháin do Shéamus II (VII) sa bhliain 1690.

Luann D'Alton (1855: 35) an dochtúir seo in *Armlíosta* an Dara Rí Séamus, áit a ndéantar trácht ar '... a commission of the 10th April, 1690, which King James issued for applotting £20,000 per month on personal estates and the benefit of trade and traffic, "according to the ancient custom of this Kingdom used in time of danger."<sup>2114</sup> Tugtar faoi Cho. Mhuineacháin na hainmneacha seo,

The High Sherriff *pro temp.* Colonel Art Oge McMahon, Captain Hugh McMahon, Captain Bryan McMahon, Captain Farrell Ward, Doctor Henry Cassidy, and Alex. Mac Cabe. Their applotment, £1052 4s. for three months.<sup>2115</sup>

---

<sup>2113</sup> Mac Iomhair (1966: 72-3).

<sup>2114</sup> Níl ach sliocht gearr i gceist anseo. Tugtar an taifead ina iomláine in D'Alton (1855: 29-37).

<sup>2115</sup> Tá an tagairt seo le fáil ag D'Alton (1855: 35).

Tugadh an tagairt sin cheana in Ó Tuathail (1940a: 163).

**(D) An Dr Henry O’Cassidy** (*fl.c.1715*) a bhí gníomhach i mbaile Lú, Co. Lú, *c.1715*, de réir tagartha a fuair Ó Tuathail (1940a: 164 *n.6*) i leabhar Meehan, *Fate and Fortunes of Hugh O’Neill*.

Ní cruinn ach oiread an tagairt seo, áfach. Féach an t-eolas a thugann Meehan (1870: 298*n.*) é féin i dtaobh an Henry O’Cassidy seo, eolas a fuair sé in ‘a pedigree preserved in the Office of Arms, Dublin Castle’, dar leis,

... In 1667, said Cahir [O’Doherty] m. Brigid, d. of Miles O’Reilly, of Drum, county Cavan, and had by her Cahir and Owen, the former of whom died 1732. In 1715, Owen m. the d. of Henry O’Cassidy, M.D., of Louth, and had by her John O’Doherty, who died 1762. In 1741, John m. Mary, d. of R. O’Kelly, county Cavan, by whom he had two sons, one of whom died in childhood. Owen, the eldest son, who died 1784, m. Jane, d. of J. Brown, Graigue, county Carlow, by whom he had three sons, Henry, John, and Clinton-Dillon O’Doherty, all three under age, and residing in Spain, under tuition of their uncle, Henry O’Doherty, D.D., who retired with them thither. Said Henry in early life went to Paris to study medicine, but took holy orders and the degree of doctor of theology ...<sup>2116</sup>

I measc na gcléireach a dheimhnigh an teastas sin ‘[i]n castro de Kelleen’ ar an 28 Meán Fómhair 1790, bhí ‘P. Plunket, episcopus Midensis’. An tEaspag Patrick Plunket, Easpag Caitliceach na Mí, atá i gceist. Fágann sin nach féidir a rá go raibh Henry **D** ina bheatha in 1715, ná ní fios cé acu baile Lú, nó Co. Lú go ginearálta, atá i gceist sa sliocht thuas.

**(E) An Dr Henry O’Cassidy** (*c.1650–*) ar a ndéantar plé i saothar Burke, *Landed Gentry of Great Britain and Ireland*.

---

<sup>2116</sup> Giota den teastas, mar a thugtar é in Meehan (1870: 298*n.*).

Dealraíonn sé go raibh sliocht ar an dochtúir seo, mar a luaigh Ó Maitiú (2013: 42), agus é ag tarraingt ar eagrán de shaothar Burke. Ciallaíonn sé sin nach féidir Henry E a cheangal le hÉnri Óg an ghinealaigh. Bainim leas as an séú heagrán anseo, Burke (1879: 282 col. b – 283 col. a),

CASSIDI, FRANCIS PETER, Esq., of Glenbrook, near Magherafelt, co. Derry, J.P., late of the 34th regt., retired Col. of the army, *m.* 2 June 1853, Maria Lucy Anne, 4th dau. of the late Matthew Hayman, Esq., late of South Abbey, Youghal, and has issue, ...

**Lineage.**—The very ancient Celtic family of Ua Caiside, or O’Cassidy, has been for ages seated in the co. Fermanagh ... Among the inquisitions in the Exchequer, is one taken at Ballycassidy, co. Fermanagh, 21 Sept. 1630, respecting “Cormack O’Cashedy.” At the same time the family had branched out widely into the counties of Fermanagh, Louth, and Monaghan; and to one of their scions we refer.

HENRY O’CASSIDY, Esq., M.D. who had followed his ancestral pursuits in medicine, was of Greatwood, Mullaghbawn, and Drumkirk, co. Louth, and of various estates in the co. Monaghan. He was *b. circa* 1650. We find, 10 April, 1690, that King JAMES II, issued a commission to him, in conjunction with the High Sheriffs of the co. Monaghan *pro tem.* and five others (mostly military persons) to make an applotment upon their county for £1052 4*s.* for three months. Dr. O’Cassidy had issue, with others,

FERGUS, his heir.

Edmond, Scholar of Trinity Coll., Dublin, in 1710.

Margaret, *m.* Eugene O’Doherty, of Newtown, co. Leitrim.

The elder son,

FERGUS O’CASSIDY, Esq., of Greatwood, co. Louth, and of “Derry,” co. Monaghan, had two sons. Of these, Mark, the younger, was a Scholar of Trinity Coll., Dublin, in 1750. The elder,

PATRICK CASSIDY, Esq. was of Derry, in the parish of Magheracloony, near Carrickmacross. He *m.* Catherine Flood, and had issue. Mr. Cassidy’s last will was dated 6 July, 1753, and was proved 5 March, 1757. Among other directions, he desired “to be buried in my tomb near Carrick McRoss.” His youngest son,

FRANCIS CASSIDY, *b. circa* 1747, was of Cashel, co. Tipperary. He *m.* Sarah Magee, a first-cousin of William Magee, Archbishop of Dublin, and had issue,

MARK, his heir.

Francis Duff, ...

Frances, *d.* young.

He *d.* 1802. His elder son was,

THE REV. MARK CASSIDY, A.M., *b.* 1 Aug. 1777, Scholar of Trinity Coll. Dublin, 1797. He *m.* 1808, Henrietta, dau. (by his wife, Marguerite Vateau, the only child and heiress of Paul Peter Isaac Vateau, a Huguenot refugee...) ...<sup>2117</sup>

Is fiú dhá rud a lua ar dtús: (1) go dtagann an t-eolas i dtaobh Henry **E** a bheith ina fhear bailithe cánacha i gCo. Mhuineacháin ón bhfoinse chéanna agus an méid a tugadh faoi Henry **C** thuas; (2) gur féidir linn glacadh leis gur baineadh an t-eolas i dtaobh na hiníne Margaret a bhí ag Henry **E** as an teastas céanna a thugtar faoi Henry **D** thuas. Ar an ábhar sin, ní chuirim i suim agus mé ag trácht ar Henry **E** ach an t-eolas a thugtar ann nach bhfuil luaite agam cheana faoi na cuntais ar Henry **C** ná Henry **D**. Fágann sin an cúram orainn meabhair a bhaint as na tagairtí seo, d'fhéachaint an féidir iad uilig, nó cuid acu, a cheangal le hÉnri an scríobhaí.

Trí na dátaí a thugann Burke (1879: 282 col. b – 283 col. a) do na glúnta a tháinig i ndiaidh Henry **E**, is follas gur maith an tomhas an dáta breithe, *c.* 1650, a chuireann sé síos dó. Déarfaí ar an gcéad léamh nach éasca é a cheangal le hÉnri an scríobhaí, a bhí ina scoláire cleachtaithe faoin mbliain 1657. Ar an taobh eile den scéal, bhí Énri an scríobhaí fós ag grafadh lámhscríbhinní sa bhliain 1703, agus níl sliocht na haoise ar a chuid peannaireachta ar chor ar bith faoin am sin. Fágann sé sin nár mhíchruinn an tomhas é, mar a scríobh mé cheana, dáta breithe Énri a shuíomh sa tréimhse idir

---

<sup>2117</sup> Burke (1879: 282 col. b – 283 col. a).

na blianta 1620 agus 1640, agus go bhfuil an chuma ar an scéal fosta gurbh i dtreo dheireadh na tréimhse sin a rugadh é. Níl an t-eolas seo bunoscionn leis an tomhas garbh a thugtar ar dháta breithe Henry **E** thuas.<sup>2118</sup>

Tá deacracht amháin eile ann, áfach, an méid sin tagairtí a dhéantar do bhaill de chlann Henry **E** a bheith ina mic léinn i gColáiste na Trionóide, agus is dóigh go mór, mar gheall air seo agus ar chuid de na tagairtí a dhéantar in Burke (1879), gur Phrotastúnaigh iad cuid mhaith de shliocht Henry **E**,<sup>2119</sup> murar Phrotastúnach é Henry **E** é féin. Ceanglaíonn Burke (1879: 282 col. b) Henry **E** le Henry **D**, an té a ceapadh ina fhear cánacha faoi rialtas Shéamus II (VII). Is dóigh gur Chaitliceach é Henry **D**, má thaobhaigh sé le Séamus II (VII), a bhí meáite ar ghradam oifigiúil a thabhairt don chreideamh Caitliceach. D'fhág Énrí an scríobhaí mórán ábhar Caitliceach againn ina chuid lámhscríbhinní, ar scríobhadh ceann acu chomh mall leis an mbliain 1703. Ní dóigh, mar sin, go bhfuil Henry **E** le ceangal le hÉnrí an scríobhaí, agus is dóigh go mór gur bheirt ar leith iad Henry **D** agus Henry **E**.

**(F) An Dr Henry Cassidy** (c.1650–), sealbhóir tailte i gCo. Lú agus i gCo.

Mhuineacháin.

Féach an litir a scríobh Thomas E. Cassidy, New Rochelle, Nua-Eabhrac, chuig an Advocates' Library faoin lámhscríbhinn LNA 72.1.11 ar an 4 Iúil 1921,

Dear Sir, re the medical MS by Feargus O Caisidi (M.D.) mentioned by Mackinnon as in your Library — Fergus will be the son of Henry O Cassidy (b. 1650) of Greatwood, Mullaghbaun and Drumkirk, Co. Louth and estates

---

<sup>2118</sup> Deirim sin ar an mbonn (1) go raibh mac ag Henry **E**, Edmond O'Cassidy, ina mhac léinn i gColáiste na Trionóide sa bhliain 1710, agus (2) gur rugadh mac (Francis Cassidy) do gharbhac Henry **E**, Patrick mac Fergus O'Cassidy, tuairim is an bhliain 1747.

<sup>2119</sup> Coinníodh Caitlicigh ar shiúl ón gcoláiste sin go dtí an bhliain 1793, agus b'ionann an scéal do na Preispitéirigh, a théadh go hAlbain lena gcuid oiliúna a fháil don tsagartacht.



in Co. Monaghan (see Burke “Landed Gentry of Ireland,” 10<sup>th</sup> ed.). Fergus inherited Greatwood, Co. Louth and “Derry,” Co. Monaghan, near Carrickmacross. He was the father of Patrick; will proved 1757, and Francis, Athy in Cashel, 1788, and ancestor of the long line given in Burke as of Glenbrook, Magherafelt, Co. Derry...<sup>2120</sup>

Níor dhearmad do Mackechnie (1973: 147 col. b) a bheith in amhras faoi chruinneas an chuntais seo: is léir nach ionann Henry **F** ná an Fergus a luaitear sa nóta, agus ceachtar den bheirt úd a luaitear in LNA 72.1.11, seanlámhscríbhinn mheamraim a breacadh tuairim agus an 16ú hAois. Ná ní hionann é agus Énrí Ó Caiside, fear tiomsaithe na lámhscríbhinní atá liostaithe agam thuas. Ó tharla gur dóigh gur bhain Thomas E. Cassidy an t-eolas bunús uilig as saothar Burke, *Landed Gentry of Great Britain and Ireland*, ní gá mórán eile a rá faoi Henry **F**, agus ní luaim arís é.

Dúradh cheana gur bunaíodh cuid mhaith den eolas a tugadh sa phlé ar Henry **E** thuas ar ar tugadh faoi Henry **C** agus faoi Henry **D**, ach is féidir, ar ndóigh, gur chuir Burke (1879) na sonraí seo le chéile go contráilte, an uair a cheangail sé Henry **E** .i. athair Fergus O’Cassidy agus Edmond O’Cassidy, le Henry **C** agus Henry **D**. An t-eolas seo a thugann Burke i dtaobh na mac seo, tagann sé salach ar an méid a deirtear sna ginealaigh i dtaobh Énrí Óig, díreach mar a thug Ó Maitiú (2013: 43) faoi deara.<sup>2121</sup> Diomaite de gur dóigh gur Chaitlicigh iad Henry **A**, **C** agus **D**, tá leideanna againn nár Chaitliceach é Henry **E**. Bhí mac le Henry **E**, Edmond O’Cassidy, ina mhac léinn i gColáiste na Trionóide nuair a bhí na Péindlíthe faoi lán seoil sa bhliain 1710, agus bhí fionnó le Henry **E**, Mark Cassidy, ina mhinistéir. Ar an taobh eile den

---

<sup>2120</sup> Istigh in LNA 72.1.11. Tá cóip di in Mackechnie (1973: 147 col. b).

<sup>2121</sup> Tagann an chuid is mó de na ginealaigh chun críche ag an bpointe seo, ach tá tagairtí iontu do dhaoine eile darb ainm Connla, nach bhfuil trácht ar a sliocht—féach uimh. 1195, 1196, mar shampla, in Ua Cadhla (1931: 139)—agus d’fhéadfadh sé gur athair le hÉnrí Ó Caiside duine acu seo. Is féidir a rá, ar a laghad, go raibh baint ar leith ag na hainmneacha Énrí agus Cormac le sliocht Chonnla Mhóir Uí Chaiside, agus gur féidir gur shíolraigh an bheirt scríobhaithe sin, Cormac Ó Caiside agus Énrí Ó Caiside, uaidh ar bhealach éigin.

scéal, is dóigh gur phós Margaret O’Cassidy, iníon le Henry **D**, Caitliceach darbh ainm Eugene (Owen) O’Doherty, agus luann Burke (1879) mar iníon le Henry **E** í.<sup>2122</sup> Níl aon bhac air, ar ndóigh, gur iompaigh Énrí i bhfíordheireadh a shaoil, nó go ndearna a chlann mhac sin tar éis a bháis, ach níl aon eolas sna *Convert Rolls* a ligfeadh dúinn glacadh leis sin. Luaigh muid cheana go ndearna Énrí an scríobhaí ábhar de chuid an Fhrith-Reifirméisin a chóipeáil do phátrún ar Chaitliceach diongbhála é; agus thiocfadh linn a rá gur Caitliceach Henry **A**, a bhí mór le hEaspag Chlochair, Patrick Duffy (*ob.*1675).<sup>2123</sup> Bhí Henry **B** i seirbhís seanteaghlach Caitliceach fosta, agus is doiligh a chreidiúint nár Chaitliceach Henry **D**, ó tharla gur cheap Séamus II (VII) é ina fhear bailithe cánacha sa bhliain 1690. Dhealródh sé, ar fhaisnéis LN G11, go raibh baint ag baill eile de chlann Chaiside le huaisle Caitliceacha na Páile sa 17ú hAois.<sup>2124</sup>

Níl aon bhac air, is dóigh liom, gurbh aon duine amháin Énrí Ó Caiside an scríobhaí, Énrí Óg an ghinealaigh, agus Henry **A – D**. Cé go dtugann an t-eolas a thugtar faoi Henry **D** thuas le fios go raibh iníon aige, ní dóigh go dtagann sin salach ar fhaisnéis ghinealach Énrí Óig, ó tharla go ndéantaí neamart d’iníonacha sna ginealaigh sin. Ó tharla nach bhfuil píosa faisnéise doshéanta ann a ligfeadh dúinn iad a cheangal lena chéile, caithfear an cheist a fhágáil gan réiteach.

## 2.120. Philip Ó Caiside, c.1759–

[Philip Cassidy]

**LB Add. 40766.** Blogh di. ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’. 1784.

---

<sup>2122</sup> Phósadh fir ó na seanteaghlach Caitliceacha iníonacha leis na huaisle Protastúnacha go minic in aimsir na bPéindlíthe. Is dóigh gur chuidigh sin leo greim a choinneáil ar a gcuid tailte; féach Ó Duigneáin (1986: 391). Is cosúil, áfach, gur Chaitliceach í Margaret O’Cassidy, iníon Henry **D**.

<sup>2123</sup> Cuimhnigh ar an tréimhse dháinséarach lenar bhain siad. Féach gur leas le scríbhneoir thiomna Patrick Duffy a thabhairt le fios ann gurbh Easpag é; agus tugtar ‘the ladies of Deer Street’ ar mhná rialta Shr. na bhFia, Droichead Átha, ann.

<sup>2124</sup> An té ag a raibh LN G11, b’fhéidir.

**OB G2.** *Mionscannán*.<sup>2125</sup> ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, dán aithrí. 1777-8.

Bunaíodh creatlach an chuntais seo thíos ar na nótaí mionsonraithe a thiomsaigh Pádraig de Brún (2009) ar an scríobhaí seo, agus ar an obair a rinne Robin Flower, *B.M. Cat.*, ii, 161-2, agus Séamus P. Ó Mórdha (1962) ar LB Add. 40766. Gheofar cuntais eile ar Philip Ó Caiside agus ar Phroinsias Ó Caiside in Ní Mhunghaile (2011: 140; 2014: 115; 2015: 559-60).

Scríobh Philip Ó Caiside (ní Pilib, Pilip)<sup>2126</sup> an lámhscríbhinn is luaithe atá againn uaidh idir na blianta 1777 agus 1778, nuair a bhí sé thart ar ocht mbliana déag d’aois, agus tugann sé a ghinealas dúinn inti: ‘Philip mhac Proinsias mhic Oiluin mhic Philip Buidh mhic Néill Ruaidh Uí Chaiside’.<sup>2127</sup> Is cinnte, beagnach, gurb ionann é agus an máistir scoile atá ar taifead i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1821, áit a ndeirtear go raibh cónaí air sa Bhrús, An Lorgain, Co. an Chabháin, agus go raibh sé 62 bhliain d’aois an tráth sin. Ní léir go raibh sliocht air. Bhí duine amháin eile ag cur fúithi sa teaghlach sin, freastalaí darbh ainm Elizabeth Gibney. Déantar tagairt spéisiúil dá léannta a bhí Philip sa dara rann de dhán comhairle a chum Tomás Tréanláimh<sup>2128</sup> éigin air, nó Thomas Armstrong, mar a bhí air i mBéarla; scríobh Peadar Ó Gealacháin an t-aon chóip amháin de atá ar fáil anois isteach ina lámhscríbhinn LN G809 an 24 Lúnasa 1823,

---

<sup>2125</sup> Dhá bhlogh a bhí sa lámhscríbhinn, de réir mar a léirítear í ar an mionscannán—agus iad uimhrithe, de réir leathanach, 33-8 agus 53-64—maille le duilleog amháin gan uimhriú ag an deireadh. Tugtar na dátaí 25 Eanáir 1777 (lch 38) agus 17 Bealtaine 1778 (lch 53). Tá na leathanaigh dheiridh dreoite go mór.

<sup>2126</sup> Is é Pilip an leagan atá ag Flower, *B.M. Cat.*, ii, 162, ach ní heol dom gur bhain an scríobhaí úsáid as riamh.

<sup>2127</sup> OB 2, lch 38. Gheofar cuid den ghinealach seo, mar a luaitear in de Brún (2009: 172), in Ua Cadhla (1931: 138):

‘1166. Clann Philip búiðhe mic Néill ruaidh mhic Émuinn mhic Giolla Padruig mhaoil .i. Iollann, Énrígh agus Cormac. Dias mac eile .i. Brian agus Giolla Padruig glas’.

Féach fosta nóta 2082 thuas.

<sup>2128</sup> Theip orm teacht ar thagairt eile dó sna lámhscríbhinní.

Nod ní beag don ghlic mas fíor don rann,  
is gurb e sin Philip, oidbhe cách re peann,  
na breagnaidhsa iad, *acht* seachnuidh biodh ann am  
gach ní dar gheallais féin do Thréunlaimh Tom.<sup>2129</sup>

Mar a luadh cheana sa chuntas ar Éamonn Ó Caiside i gCaib. 2.118 thuas, tá cruthú againn go raibh aithne ag Peadar Ó Gealacáin ar Philip, ar an ábhar go bhfuair sé an téacs thuas agus giotáí eile uaidh in 1823 agus 1824,<sup>2130</sup> le linn dó a bheith ag scríobh LN G809, agus tuilleadh óna bhéal ina dhiaidh sin i mBaile Chrúis ar an 13 Iúil 1826.<sup>2131</sup> B'fhéidir nach mór an t-iontas é, mar sin, go raibh Peadar ag múineadh daltaí i dteach Philip Uí Chaiside idir an 4 agus an 19 Deireadh Fómhair 1824, agus, de réir dealraimh, idir an 29 Samhain 1824 agus an 13 Aibreán 1825 arís.<sup>2132</sup> Chaith Peadar ón 4 Meitheamh 1824 go dtí go ndeachaigh sé go teach Philip ag teagasc 'at Owen Cassidy's house in Tamhas'. Léiríonn na dátaí sin, tráthúil go leor, gur scríobhadh cóip Pheadair Uí Ghealacáin de LB Add. 40766, ar a dtugtar COC M55 (55) anois,<sup>2133</sup> nuair a bhí sé ag teagasc i dteach Philip, agus tá dhá log scríofa breactha aige sa chóip sin—Caisleán Cam agus Tamhas. Más fíor go raibh Peadar Ó Gealacáin ina chónaí i gCaisleán Cam, Baile Mhic Cathnaoin, log scríofa a luaitear

---

<sup>2129</sup> LN G809, lch 541. 'Thomas Armstrong's compliments to Philip Cassidy, viz. Tomas Tréunlaimh, ceannaidh a mBailehamulton (darbh ainim o chian Fa<? iche> Mhc Lochluin) 'an Philip Uí Chaiside, Tegasgoir'. Ó láimh Pheadair Uí Ghealacáin, 24 Lúnasa 1823. Cheangail de Brún (2009: 173) an log seo le 'Newtownhamilton' i gCo. Ard Mhacha. Glactar leis an leagan Gaeilge 'Baile Úr' sa lá atá inniu ann.

<sup>2130</sup> Caithfidh sé gurbh ó Philip é féin a fuair Peadar Ó Gealacáin an dán a chum Tomás Tréanlaimh air, agus gurb amhlaidh do na trí phársa a fhágtar ar Éamonn Ó Caiside anseo, file a bhí muinteartha le Philip agus ar ar tráchtadh i gCaib. 2.118 thuas, ó tharla gur scríobhadh ceann acu ar an leathanach (542) díreach i ndiaidh dhán Thomáis Tréanlaimh (lch 541), agus ar an lá céanna, an 24 Lúnasa 1823. Féach Aguisín 10 thíos, dán (*j*), agus nóta 2129; grafadh an dá phársa eile ar an 21 Márta 1824 (féach Aguisín 10 thíos, dánta (*h*) agus (*i*)).

<sup>2131</sup> C Add. 6563 (42), f. 79v.

<sup>2132</sup> Faisnéis ón liosta cáiliúil de na háiteacha ar mhúin Peadar Ó Gealacáin scoileanna idir 1814 agus 1825, rud a chuir sé le chéile agus a scríobh sé in LN G809, lch 789. Gheofar cóipeanna de in Morris (1928a: 169-70), Ó Buachalla (1968: 123-4), srl., srl., mar aon leis an gchuntas a thugtar ar Pheadar Ó Gealacáin i gCaib. 2.171 thíos.

<sup>2133</sup> Creidim gurbh é Séamus P. Ó Mórdha (1962) an chéad duine a thaispeáin gur cóip í COC M55 (55) de LB Add. 40766. Tá crosa ar a fuaid anois, ag tús agus ag deireadh téacsanna, rud a chuireadh Peadar Ó Gealacáin ar a chuid eiseamláirí go minic lena mheabhrú dó féin an áit ar scoir sé den scríobh, de réir dealraimh. Féach nótaí 2687, 2727 thíos.

ar na lámhscríbhinní uilig a ghráf sé sna 1820í, is dócha, mar sin, go raibh scoil Philip Uí Chaiside lonnaithe i dTamhas ag an am, an baile fearainn ina raibh cónaí ar Owen Cassidy, nó is é sin an dara háit scríofa a luaitear in COC M55 (55), cibé rud é.<sup>2134</sup> Bhí P. Cassidy ó Thamhas ina shíntiúsóir le *Man's Final End* (1824), saothar a réitigh Mícheál Ó Cléirigh, cara le Peadar Ó Gealacáin; agus, tráthúil go leor, bhí P. Gallican, An Caisleán Cam, P. Cassidy, Tamhas, agus O. Cassidy ón áit chéanna ina síntiúsóirí le saothar eile de chuid Mhíchíl Uí Chléirigh, *Ireland's Dirge*, a priontáladh in 1827 (Mac Gabhann 1996: 94-5; de Brún 2009: 173).

Taispeánann ginealach Philip Uí Chaiside agus an lámhscríbhinn LB Add. 40766 go raibh páirt ghairid aige le Proinsias Ó Caiside (*q.v.*), agus Francis Cassidy, Jr., an té ag a raibh LB Add. 40766 sa bhliain 1810, agus a bhfuil glacadh leis gur dheartháir é leis an Philip réamhráite, mar a fheicfear anois. Léiríonn na hinscríbhinní difriúla sa lámhscríbhinn, atá pléite cheana ag Flower, *B.M. Cat.*, ii, 161-2, agus Ó Mórdha (1962), go raibh sí i seilbh an Ath. Séamus Ó Muireadhaigh, O.P.,<sup>2135</sup> sa bhliain 1732, agus go raibh sí ag Seán Mag Uidhir, O.P., príóir Ghabhla, Co. Fhear Manach, in 1756. Téann sí ó thuairisc ón lá sin go dtí an 11 Nollaig 1784,<sup>2136</sup> an lá ar chríochnaigh Philip Ó Caiside an chóip de 'Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife' a chuir sé léi. Sheol Philip ar aghaidh í chuig Proinsias Ó Caiside, a ghráf roinnt mhaith téacsanna inti an bhliain dár gcionn, 1785. Arís, ní fhaigheann muid

---

<sup>2134</sup> Is féidir nach bhfuair Peadar lóistín ó Philip a fhad is a bhí sé ag múinteoireacht ann, ar ndóigh. Dealraíonn sé go raibh áit chónaithe ar leith ag Peadar Ó Gealacáin é féin ar an gCaisleán Cam, agus bhí cúram aige cheana féin an tráth sin. Cibé rud é, tá ciall leis go mbeadh Philip ina chónaí gar go leor do Thamhas, agus b'fhiú a lua gur nós do Pheadar a chuid lámhscríbhinní a chur le chéile ina theach scoile nuair a bhí sé ina sheanfhear: féach alt Éamonn Uí Thuathail, *An Claidheamh Soluis*, an 19 Nollaig 1914, ar 'G[h]aedhilg na Midhe', nó an chóip dá nóta atá in Ó Buachalla (1968: 131 n.46). Tagraíonn sé do sheanchas a chuala sé faoi mhodhanna múinteoireachta Pheadair, agus go raibh sé ar intinn aige a thuilleadh eolais a thabhairt faoi sin am eile. Ní heol dom gur thug riamh.

<sup>2135</sup> Maidir leis an sagart seo, a bhí lonnaithe i gCo. an Chláir cuid mhaith dá shaol ach ar shíolraigh a mhuintir ó Cho. Dhoire, féach Ó Macháin (2012).

<sup>2136</sup> LB Add. 40766, f. 110.

spléachadh ar stair an leabhair ar feadh neart blianta, nó gur bhreac Francis Cassidy, Jr. an nóta seo uirthi ar dhuilleog a fágadh bán:

Francis Cassidy junior departed from Crossakiel on the 1<sup>st</sup> of July 1795 and returned thither Jan<sup>y</sup> 15<sup>th</sup> 1808 after travelling nearly 13 years and visiting almost every country and seaport of note in the Northern Hemisphere. He now finds this book—but alas the former owner is no more, he has paid the debt of nature in the absence of his son—May the Lord have mercy on his soul and rest in peace. Amen. Francis Cassidy junior. January 4<sup>th</sup> 1810.<sup>2137</sup>

Agus muid eolach air gur le Proinsias Ó Caiside éigin an leabhar sa bhliain 1785, agus gur scríobh Francis Cassidy, Jr. éigin an nóta thuas, is é an tátal is loighciúla a d'fhéadfaí a bhaint as sin gurbh é Proinsias Ó Caiside, an scríobhaí, an t-athair a luaitear ann agus go bhfuair sé bás idir 1795 agus 1808, díreach mar a mheas Robin Flower, *B.M. Cat.*, ii, 162. Ní éadócha, mar gheall air sin, gurbh é Francis, Jr. an Francis Casedy, máistir scoile, a bhí 56 bliana d'aois nuair a cláraíodh é ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1821, agus cónaí air lena bhean Bridget Casedy (iníon McGuire) in Edenburt,<sup>2138</sup> i bparóiste na Lorgan, Co. an Chabháin.<sup>2139</sup> Fágann sin nach raibh sé ach sé bliana ní b'óige ná Philip, ar mhac é le Proinsias áirithe fosta, mar a chonaic muid sa ghinealach a tugadh thuas. Tá dátaí idir an 20 Eanáir 1825 agus an 4 Aibreán 1825 ar chóip Pheadair Uí Ghealacáin de LB Add. 40766, COC

---

<sup>2137</sup> LB Add. 40766, f. 7b; tá cóip de sa *B.M. Cat.*, ii, 162.

<sup>2138</sup> Tá an t-eolas atá ar fáil ródhoiléir le leagan Gaeilge de 'Edenburt' a réiteach, agus tugtar an leagan Béarla dá bharr sin.

<sup>2139</sup> Deirtear i n*Dhaonáireamh na hÉireann*, 1821, go raibh Francis Casedy ag cur faoi in Edenburt, go raibh sé 56 bliana d'aois agus ina mháistir scoile. Bhí duine amháin eile sa teach, Bridget Casedy, a bhean. Bhí sí 34 bliana d'aois agus ina sníomhaí. Ní raibh páistí acu an uair sin, ach rugadh dóibh sna blianta a lean sin beirt mhac, James (1823) agus Francis (1825) in Edenburt, agus téann siad ó thuairisc ina dhiaidh sin sa dúiche. Mar seo a thagraítear don bheirt mhac sin i g*Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Lorgain*, 1821-40:

‘15 [Márta 1823]. Jacobum Cassidy [filius] Francisci [Cassidy] & Brigidae M<sup>c</sup>Guire. Richardus & Eleanora Carroll. Edenburt’.

‘13<sup>a</sup> [Márta 1825]. Franciscum Cassidy [filius] Francisci [Cassidy] & Brigidae M<sup>c</sup>Guire. Carolus Clarke & Maria M<sup>c</sup>Guire. Edenburt’.

Is eol dúinn, áfach, go raibh Proinsias fós ina theagascóir faoin *Irish Society* chomh mall le mí na Bealtaine 1827, nuair a thagann deireadh leis na rollaí pá. Ní féidir teacht ar eolas eile i dtaobh an teaghlaigh ina dhiaidh sin.

M55 (55),<sup>2140</sup> agus blúire eile eolais uaidh faoin tseanscríbhinn i nóta a bhreac sé ina chóip féin lá ní b'fhaide anonn, mar a luaigh de Brún (2009: 171 *n.1*) cheana,

Peter Gallegan finished this book on Monday evening April the 11<sup>th</sup>, 1825, and transcribed it from an old manuscript of Frances Cassidy's formerly of Crossakeel, which manuscript (I believe) was bequeathed to Mr. Philip Cassidy who was brother to the above Frances Cassidy...<sup>2141</sup>

Dearmad litrithe ar *Francis* é an *Frances* atá i gceist thuas, glacaim leis. Thuigfí ón tagairt a dhéanann Peadar Ó Gealacháin do na Crosa Caoil gur ag smaoinemh ar Francis Cassidy, Jr. atá sé anseo, agus sin an t-ábhar a bhaineann Ó Mórdha (1962: 220) agus de Brún (2009: 171 *n.1*) as: caithfidh sé, mar sin, gur mhair Philip Francis, Jr., agus, dá bhrí sin, gur scríobhadh an colafon seo i bhfad i ndiaidh do Pheadar Ó Gealacháin an leabhar a chríochnú, cúpla bliain ar a laghad, mar a fheicfear thíos.<sup>2142</sup> Tuairimíonn Ní Mhunghaile (2011: 140) gur dheartháireacha iad Philip agus Francis, Jr. fosta, agus deir sí áit eile (Ní Mhunghaile 2015: 570 *n.81*) gur dóigh gurbh athair agus mac iad Philip agus Proinsias Ó Caiside. Is ar éigean is féidir gur chuir Peadar Ó Gealacháin an briathar contráilte síos an tráth a ndúirt sé gur fágadh an leabhar le huacht ('bequeathed') ag Philip.<sup>2143</sup>

---

<sup>2140</sup> Féach nótaí 2133, 2142, 2687.

<sup>2141</sup> COC M55 (55), lch 272; tá cóip den nóta seo in Ó Conchúir (1991: 139).

<sup>2142</sup> Tá ceist bheag eile le fuascailt, más fíor a ndúradh thuas .i. gur breacadh an nóta seo in COC M55 (55) tar éis bhás Francis, Jr. (sa bhliain 1827 ar a luaithe): cá bhfios do Pheadar Ó Gealacháin gur chuir sé críoch leis an lámhscríbhinn ar an 11 Aibreán 1825, mar a scríobh sé i nóta déanach ar lch 272, dáta nach luaitear áit ar bith eile sa lámhscríbhinn (mar atá sí anois)? Is ar éigean a bheadh sé in ann cuimheamh air sin, murab é go raibh an dáta scríofa ar leathanach eile, ná áit éigin ina chuid páipéar, atá ar iarraidh anois. Níl dóigh eile agam ar a mhíniú.

<sup>2143</sup> Ní dócha sin óir scríobhann Peadar Ó Gealacháin '*bequeathed* to Mr. Philip Cassidy who was brother ...' Bhí Peadar Ó Gealacháin in inmhe Béarla a scríobh go deimhin. Ná ní gá mórán béime a chur ar iontaofacht nóta Pheadair a cheistiú, toisc gur breacadh é i ndiaidh fhormhór an leabhair, óir is dóigh go raibh sé ag tarraingt ar nótaí eile a bhí aige; féach nóta 2142 thuas. Féidearthacht eile is ea go bhfuil Peadar Ó Gealacháin ag tagairt do Phroinsias Ó Caiside, an té a fuair bás idir 1795 agus 1808. Ciallaíonn sé sin gur nia le Philip é Francis, Jr. D'fhágadh sé sin go mbeadh Philip ar comhaois lena nia, geall leis, ach ní haon bhac é sin air, dáiríre. Bhí cónaí ar Phroinsias fosta ag na Crosa Caoil, mar is léir ón nóta a bhreac Francis, Jr. sa bhliain 1810, agus caithfidh sé, beagnach, go bhfuair Peadar an log sa nóta sin. Ach cén fáth a ndéarfadh sé, más fíor sin, gur thug Proinsias an leabhar dá 'dheartháir' Philip nuair a chaithfidh sé go raibh an leabhar i seilbh Francis, Jr. idir an dá linn (ar údarás nóta na bliana 1810), cibé léamh a dhéantar ar nóta Pheadair.

Má thugtar aird anois ar thaifid an *Irish Society*, tchífead go raibh Philip Cassidy agus Francis Cassidy áirithe—ar deimhin, beagnach,<sup>2144</sup> gurb ionann iad agus an scríobhaí is Francis Cassidy, Jr.—ag fáil íocaíochtaí uathu. Fuair Philip tuarastal idir mí Lúnasa 1824 agus mí na Bealtaine 1827, nuair a stadann na taifid, agus chuir sé a ainm leis na rúin a síníodh ar an 5 Meán Fómhair 1827 (de Brún 2009: 172). An Francis Cassidy a luaitear sna taifid, ‘[p]erhaps Francis Cassidy, Junior’ (de Brún 2009: 171), tugadh díolaíocht dó idir mí Lúnasa 1826 agus mí na Bealtaine 1827, agus shínigh seisean na rúin fosta. Is é an míniú is fearr atá agam ar scéal na lámhscríbhinne agus an triúir ar leo í: (1) go bhfuair Philip seilbh uirthi i mí na Nollag 1784 ar a dhéanaí; (2) gur chuir sé chuig a athair, Proinsias, í am éigin roimh dheireadh na bliana 1785; (3) gur éag Proinsias idir 1795 agus 1808; (4) go bhfuair Francis, Jr.—mac le Proinsias, deartháir le Philip—í i measc áirnéis a athar in 1810; (5) gur thug sé [? ar iasacht] í do Philip go luath sa bhliain 1825 nó roimhe sin, an té a lig do Pheadar Ó Gealacáin í a chóipeáil. Dá nglacfaí le nóta Pheadair a bheith iomlán cruinn, caithfidh sé: (6) go bhfuair Francis, Jr. bás i ndiaidh mhí Mheán Fómhair 1827;<sup>2145</sup> (7) go bhfuair Philip seilbh uirthi arís, rud nach mbeadh aisteach, ar ndóigh;<sup>2146</sup> agus (8) gur maith gur féidir gurbh é Philip an ‘Mr. Cassidy’ a dhíol an lámhscríbhinn le Henry Mac Manus an 14 Márta 1838.<sup>2147</sup>

<sup>2144</sup> Deir de Brún (2009: 171, 172) faoin mbeirt mháistrí seo: ‘Perhaps Francis Cassidy Junior ... owner of [LB] Add. MS 40766 ...’, ‘... possibly Philip ... scribe, 1777-8, [OB G]2’.

<sup>2145</sup> Níl cláir básanna / adhlacthaí ar fáil don chuid is mó de na paróistí ina raibh cónaí ar an teaghlach seo, agus ní féidir liom teacht ar thagairt do bhás Francis Cassidy áit ar bith.

<sup>2146</sup> Beagán samplaí eile. Féach: (1) gur bhronn baintreach Francis Farrelly lámhscríbhinn dá chnuasach, ARÉ 23C1 (371), ar a chomhghleacaí, Peadar Ó Gealacáin; agus (2) gur fhág Donnchadh Ó hEisleanáin lámhscríbhinn ag a gharmhac, Bháitear Ó hEisleanáin (*q.v.*). Tá nóta ó Pheadar i dtaobh ARÉ 23C1 (371) i gcló in Ó Buachalla (1968: 280-1), agus giota beag eolais faoi Francis Farrelly é féin i nóta 1125 thuas.

<sup>2147</sup> Tá Ó Mórdha (1962: 220) sásta glacadh leis gur cheannaigh Henry Mac Manus an lámhscríbhinn ó Francis Cassidy, Jr. Tá cuntas gearr ar Mac Manus, agus ar shliocht a d’fhoilsigh sé ón lámhscríbhinn seo, in Ó Mórdha (1962: 220).



**2.121. Proinsias Ó Caiside, fl.c.1759-95**

[Francis Cassidy]

**LB Add. 40766.** Cuid di. Nótaí ar na sibéil, ar Thúr Babel, búrdúin agus dánfhocail, tráchtas ar shochair an Aifrinn, an *Dies Irae* i nGaeilge, clár ábhair ar ‘Foras Feasa air Éirinn’, dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh, Cathal Mhag Ruaidhrí. 1785.

Dhealródh sé gurbh é athair Francis Cassidy, Jr. (c.1765–)—máistir scoile a raibh nasc aige leis an *Irish Society* (de Brún 2009: 171-2)—agus an Philip Ó Caiside a luadh i gCaib. 2.120 thuas é Proinsias Ó Caiside. Más fíor sin, ba mhac le hIollann mac Philip Bhuidhe Uí Chaiside é,<sup>2148</sup> agus cailleadh é idir na blianta 1795 agus 1808.<sup>2149</sup> Is beag eile atá ar eolas againn faoi Phroinsias. Féach faoi Philip Ó Caiside i gCaib. 2.120 thuas, mar a bhfaighfear tuilleadh eolais faoin teaghlach agus faoin gceangal a bhí acu le hÉamonn Ó Caiside.

Tá aistriúchán Béarla ar an amhrán, ‘Ceann Dubh Dílis’, le ‘Francis Cassidy’ ó na Crosa Caoil i lámhscríbhinn le Peadar Ó Gealacháin, LN G809, agus an dáta 12 Lúnasa 1823 leis an gcóip.<sup>2150</sup> Ní fios cé acu Proinsias Ó Caiside nó Francis Cassidy, Jr. a scríobh é, áfach.

**2.122. Tomás Ó Caoindealbháin, fl.1795**

[Thomas Conolan]<sup>2151</sup>

**COFLA F1.** Formhór di. ‘Beatha Naomh Pádraig’. An Creagán Dubh, Ard Mhacha 1795.

<sup>2148</sup> Féach an cuntas ar Philip Ó Caiside i gCaib. 2.120 thuas.

<sup>2149</sup> Féach an nóta in LB Add. 40766, f. 7b, a cuireadh i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 162.

<sup>2150</sup> Tá ‘Ceann Dubh Dílis’ agus an leagan Béarla in LN G809, lgh 461-2. Tugann Peadar Ó Gealacháin an dáta 12 Lúnasa 1823 ar lgh 458, 463.

<sup>2151</sup> Mar a thug Patrick Mihan air; is dóigh go raibh ‘Conlan’ i gceist aige.

Is a bhuí le Patrick Clarke, léitheoir lámhscríbhinní, atá ionad cónaithe Thomáis ar eolas againn, óir d'fhág sé an nóta seo againn ar cheann de na fordhuilleoga in COFLA F1,

The Lord God almighty have me[r]cy on your soul Thomas Conolan of Cregan Duff and County Armagh 1798 Amen ...<sup>2152</sup>

Is doiligh a rá cé acu beo nó marbh é Tomás an uair a scríobhadh an nóta sin. Ba ar an 1 Bealtaine 1795 a chríochnaigh Tomás COFLA F1, agus i ndiaidh do Patrick í a léamh, fuair mórán léitheoirí eile tamall di: George Duffy ón gCnoc Buí, Cluain Caoin, Co. Lú (1803); James Duffy; Fill Duffy; Mary Donoughoe; Patt Mihan, iarshealbhóir (1807);<sup>2153</sup> Thomas Duffy ó Chúl Doire, Co. Mhuineacháin;<sup>2154</sup> Patrick Kelly (1826); John Rafferty; agus fuarthas í faoi dheoidh in Mentana House, teach na sagart, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, sa bhliain 1947.

### 2.123. Brian Ó Cathaláin, *ob.*1804<sup>2155</sup>

[Bernard Callan]

**COBÁC A39 (a-b).**<sup>2156</sup> Formhór díobh. Laoithe fiannaíochta, búrdúin agus dánfhocail, dánta le [Giolla Brighde Ó hEodhasa], Séamus Mac Cuarta,

<sup>2152</sup> COFLA F1, lch i. Féach an *M.N. Cat.*, vi, 132.

<sup>2153</sup> Chuir sé giotaí léi; féach an cuntas air i gCaib. 2.109 thuas.

<sup>2154</sup> Ceann de na bailte fearainn in oirthear Cho. Mhuineacháin ar a dtugtar ‘Colderry’ sa Bhéarla, ach ó tharla gur dóigh go raibh ‘Cúl Doire’ orthu uilig sa Ghaeilge, is féidir an fhoirm sin a úsáid.

<sup>2155</sup> Chreid an Canón. Ó Conchubhair sa bhliain 1891 go bhfuair an tAth. Brian Ó Cathaláin bás sa bhliain 1809 (féach Russell (1905: 546); Ó Casaide (1930c: 140)), agus thiocthadh dó a bheith ina údar maith eolais, tharla gur dhuine muinteartha leis an Ath. Brian Ó Cathaláin é, ach tá glacadh leis anois gur cailleadh an tAth. Brian ag tús na bliana 1804, toisc go raibh sé thar a bheith tinn i mí na Samhna 1803 (féach i gcorp an chuntais thuas), agus gur ceapadh sagart úr ina áit an bhliain dár gcionn.

<sup>2156</sup> Is fiú trí phointe a lua i dtaobh na lámhscríbhinn seo—

1. Is í seo an lámhscríbhinn Ghaeilge a bhíodh i seilbh an Chanón. Uí Chonchubhair.
2. Ba é an nóta atá inti i dtaobh a foilsithe in Antwerp ab ábhar leis an tuairim choiteann go raibh an tAth. Brian Ó Cathaláin in Antwerp idir 1773 agus 1775. Níorbh é an tAth. Brian Ó Cathaláin a scríobh sin ach duine muinteartha leis, Pádraig Ó Cathaláin, ar a ndéanfar trácht amach anseo. Agus ní dóigh gur foilsíodh riamh í, diomaite de go ndeir Pádraig an méid seo: ‘Aig so leobhar beg do scribhadh leis an Athir Brian Ó Cathalan *arna staidear dhó a ccathir Antwerp agus a cuiradh g[c]ló ansa ccathir reimhrate 7c.*’, COBÁC A39 (a), lch 380. Tugtar cóip eile de, agus samplaí eile d’úsáid thearmaíocht na clódóireachta / na foilsitheoireachta i lámhscríbhinní Gaeilge, i gCaib. 1.2.1, colafoin 27, 28. Is é seo an colafon is ábhar leis an dearmad a rinneadh in McKenna (1920a: 385) i dtaobh dhá

Pádraig Mac a Liondain, Séathrún Céitinn, Brian Ó Cathaláin, Peadar Ó Doirnín, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, [Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin], dánta Laidine, foclóir Gaeilge, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Mac na Míchomhairle’, tráchtas ar an Aifreann, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp re Chéile’. **1794:**—Inis Caoin, Muineachán 1773-5, 1794, 1801-3.<sup>2157</sup> Dó féin.

Cuireadh cuntais fhada i gcló ar an sagart seo cheana in McKenna (1920a: 385-6, 392, 410), agus Ó Muirgheasa (1936: 144-6); sárchuntas mionsonraithe ag Ó Gallchobhair (1955: 79-81); agus tátal ar a bheatha in Livingstone (1980: 635), McKenna (1991: 56-8; 2001: xvii), agus in Smith (2017: 332-4). De bhreis ar an méid seo, cuireadh roinnt eolais ar fáil faoi san *Irish Book Lover* idir na blianta 1930 agus 1931; féach, ach go háirithe, Ó Casaide (1930c; 1930d; 1931b) agus Ó Muirgheasa (1931).

---

leabhar urnaithe a bheith curtha i gcló ag an Ath. Brian, is dóigh. An scéal céanna sa nóta doiléir sin ag Ó Gallchobhair (1955: 81): ‘Canon McKenna states that Fr. Callan compiled “at least two Irish prayerbooks,” but we have no knowledge of any other than “The Spiritual Rose” ... Another book of his, published in Antwerp (c.1780) was probably part of an extant MS of his’. Leanann tagairt siar d’Ó Muirgheasa (1936: 145) an méid sin. Thig linn a áiteamh gur dhóigh le hÓ Gallchobhair (1955) gur saothar ar leith an leabhar clóite, arna bhunú ar ábhar COBÁC A39 (a), agus an dáta c.1780 bunaithe ar an tuairim gur foilsíodh an lámhscríbhinn in Antwerp ‘arna staidear dhó’ ann .i. ionann is go raibh a chúrsa críochnaithe aige nuair a foilsíodh é. Is féidir dearmad glan a dhéanamh ar an ngeosta seo leabhair. Ní fheicim go bhfuil bunús ar bith leis an tuairim gur cuireadh oiread agus siolla den lámhscríbhinn COBÁC A39 i gcló le linn don Ath. Brian a bheith beo, ná gur priontáladh aon saothar leis lena linn. Maidir leis an dá dhán leis atá i gcló sa dara heagrán (agus an ceathrú cló, go bhfios dúinn) den *Spiritual Rose*, a cuireadh amach sa bhliain 1825, féach an t-eolas a thugtar ar Mhatha Mhac Cinnéadaigh i gCaib. 2.50 thuas. Níl leid ar bith againn go raibh aon bhaint ghníomhach ag an Ath. Brian leis an leabhar urnaithe seo.

3. Thug Ó Gallchobhair (1955: 81) faoi deara go bhfuil an chóip den ‘Conico ad Clerum’ atá luaite ag Russell (1905), agus go nua ag Ó Casaide (1930c: 140), istigh leis an lámhscríbhinn seo, COBÁC A39 (a), lch 188, ní a léiríonn go bhfuair an Canón. Ó Conchubhair seilbh ar an lámhscríbhinn seo roimh an mbliain 1891. Déantar tagairtí don lámhscríbhinn a bheith i seilbh an Chanón. Uí Chonchubhair in Ó Muirgheasa (1976: 162-3), agus in Ó Casaide (1931b: 97-8), srl.

<sup>2157</sup> Tá na dátaí 1773-5 tríd an leabhar; 1794 i gcuid (a), lch 334; agus 1801-3 i gcuid (b)—féach nóta 2173 thíos.

Rugadh Brian mac Airt Uí Chathaláin<sup>2158</sup> am éigin i lár na 18ú hAoise. Cé nach bhfuil bliain a bhreithe ar taifead áit ar bith, go bhfios dom, agus cé gur beag atá ar eolas faoina mhuintir, is dóigh go raibh deartháir óg aige darbh ainm Pádraig Ó Cathaláin (*q.v.*) a bhí ina scríobhaí Gaeilge, mar a fheicfear ar ball. Ní fios cé uaidh ar fhoghlaim Brian agus Pádraig Ó Cathaláin scríobh na Gaeilge, ach níorbh iontach an rud é ag an am sin, tharla gur tháinig borradh ollmhór faoi chóipeáil lámhscríbhinní san am a raibh siad ag fás aníos sa dúiche sin. ‘Fr. Callan’, a scríobh Ó Gallchobhair (1955: 80), ‘... was not untouched by the atmosphere around him’, agus thiocthadh dó a bheith ceart. Chuaigh sé go hAntwerp a dhéanamh staidéir le bheith ina shagart sna 1770í; tá glacadh leis le fada go ndeachaigh sé ann idir 1773 agus 1774 (Ó Gallchobhair 1955: 79), agus gurbh in an áit, dá bhrí sin, ar scríobh sé formhór na chéad choda de COBÁC A39<sup>2159</sup> idir na blianta 1773 agus 1775. Is mar gheall ar nóta a bhreac Pádraig Ó Cathaláin (*q.v.*) gar do dheireadh na lámhscríbhinne a cheaptar sin,<sup>2160</sup> agus is dealraitheach gur grafadh an nóta sin idir na blianta 1788 agus 1793, más aon leid dúinn na nótaí eile a bhreac Pádraig Ó Cathaláin inti. Ar an taobh eile, d’áitigh an Canón. Ó Conchubhair, an té ar leis an lámhscríbhinn seal, nach ndeachaigh an tAth. Brian go hAntwerp go dtí tuairim na bliana 1776, agus tugann McKenna (1920a: 385) tagairt do thaifead a thacaíonn leis an méid sin. Pléifear sin ar ball. Cibé rud é, is soiléir ón lámhscríbhinn féin go raibh Brian tosaithe ar an Laidin a fhoghlaim chomh luath leis an mbliain 1773, agus tá teistiméireacht óna shagart paróiste féin, is dóigh, faoin dáta 30 Aibreán 1774 sa teanga sin istigh leis an lámhscríbhinn.<sup>2161</sup> Thig linn a bheith measartha cinnte, mar sin, go raibh sé fós ar a bhaile féin, agus é á réiteach féin le haghaidh cliarscoile go

<sup>2158</sup> COBÁC A39 (*a*), lch 125.

<sup>2159</sup> Is léir, mar gheall ar na téacsanna atá inti (COBÁC A39 (*a*), lgh 43, 188, 254, 260, 265, 266, 334, 337), gur scríobh ‘fear Laidine’ nó mac-chléireach an lámhscríbhinn seo.

<sup>2160</sup> Tugtar cóip de i nóta 2156 thuas.

<sup>2161</sup> COBÁC A39 (*a*), lch 36.

fóill, sa bhliain 1774. De dhéanta na fírinne, bhí sé díreach tar éis teacht slán, go pointe áirithe, ó fhiabhras, de réir nóta a bhreac sé an 1 Márta 1774,

Aige so leabhran Bhrian Ui C[h]athalain iarna sgríobhadh les fein *arna eiseirghidh on b[h]fiabhras ar an chead la don mí na Matharta Aois an Tiarghana mile seacht ccead agas seachtghodh fa an c[h]eathair 1774.*<sup>2162</sup>

Tá cáipéis Laidine eile dar dáta an 31 Lúnasa 1780 den sórt seo ar caomhnú i gcartlann Dheoise Chlochair, agus í sínithe ag Hugh McMahan, a bhí ina uachtarán ar Choláiste na nÉireannach in Antwerp. B' fhiú an t-aistriú Béarla a dhéantar uirthi i gcatalog Forsythe a athlua anseo:

Bernard Callan lived in this seminary from 24<sup>th</sup> of September 1776 until today and during all that time he was steadfast in holiness, full of integrity, proven in moral virtue, and commendable in every way. He has distinguished himself in theological studies and came first out of a hundred in theology exams. Signed Hugh McMahan, President of the Irish seminary at Antwerp.<sup>2163</sup>

Mhaireadh cúrsaí diagachta suas le seacht mbliana sa tréimhse sin, ag brath ar chumas an mhic léinn,<sup>2164</sup> agus d'fhágfadh sé sin gur bhain an tAth. Brian a chéim, nó an chuid is mó di, amach idir na blianta 1776 agus 1780, agus gur fhill sé ar a dheoise dhúchais c.1780. Ní fios cár oirníodh é. Cé go ndeirtear go minic gur cuireadh chuig Domhnach Maighean é thart ar an mbliain 1780,<sup>2165</sup> is ar éigean a

---

<sup>2162</sup> COBÁC A39 (a), lch 30. Tá leagan ceartaithe den cholafon in Ó Muirgheasa (1936: 145).

<sup>2163</sup> Aistriúchán Béarla in Forsythe (1989: 21). Tagraíonn Ó Muirgheasa (1936: 144-5) do litir a fuair sé ón gCanón. S. É. Mac Enna, S.P. Dhroim Mór, Co. Thír Eoghain, i dtaobh an Ath. Brian Ó Cathaláin. Is follas gur baineadh cuid mhaith d'ábhar na litreach as teistiméireacht a bhí i gcartlann na Deoise, 'He was ... educated in the Irish Pastoral College of Antwerp, where he was in residence from 1776 to 1780. Rev. Hugh Reilly, President of the College, in a testimonial letter dated 31st August, 1780, says he was "distinguished in theology." He became P.P. in 1790 of the united parishes of Inniskeen and Donaghmoynne, in succession to Rev. Ross Mac Mahon, and died in 1804'. Dealraíonn sé gur dhearmad an 'Hugh O'Reilly' a luaitear sa litir, agus gur cheart 'Hugh McMahan' a léamh ina áit; is fiú cuimhneamh air go raibh duine darbh ainm Hugh O'Reilly ina Easpag ar Dheoise Chlochair thart faoin am sin.

<sup>2164</sup> Níor mhiste cuimhneamh air nár chaith an tAth. Pádraig Ó Luain, a bhfuil cuntas air i gCaib. 2.186 fhíos, ach trí bliana ina mhac-chléireach sular oirníodh é, toisc gur éirigh go maith leis ina chúrsa. D'fhéadfaí an rud céanna a áiteamh faoin Ath. Brian Ó Cathaláin.

<sup>2165</sup> Ba é an Canón. Ó Conchubhair, duine muinteartha leis ag a raibh COBÁC A39 tráth, a scríobh sin (Ó Gallchobhair 1955: 79).

ceapadh é ina shagart paróiste san áit sin go dtí an bhliain 1782, an bhliain a bhfuair an tAth. Proinsias Mag Mathghamhna bás ann,<sup>2166</sup> an bhliain ar chláraigh an tAth. Brian Ó Cathaláin é féin ar na *Catholic Qualification Rolls*, mar a dtugtar ‘Tadenbill’ mar ionad cónaithe dó.<sup>2167</sup> Ó tharla nár coinníodh taifid mhaithe i nDeoise Chlochair don tréimhse ina raibh an tAth. Brian ina shagart paróiste ar Dhomhnach Maighean agus Inis Caoin, c.1782-1804, is beag atá ar eolas faoina chuid oibre ann. Nuair a socraíodh ar chaibidil na Deoise a chur ar bun sa bhliain 1789, ceapadh an tAth. Brian Ó Cathaláin, agus naonúr eile de chuid na Deoise, mar bhaill de (Mulligan 1981: 329).

Le linn an ama sin, chuir sé a ainm le léas ar thailte eaglasta i dTulaigh Charbaid a síníodh an 2 Bealtaine 1794,<sup>2168</sup> agus tógadh an seanséipéal i nDroim Chatáin, paróiste Inis Caoin, ‘under the inspection of the Rev. Bern. Callan, Pastor of Inniskeen, A.D. 1796’. Ba eisean a bhí ag an stiúir arís agus Eaglais Naomh Pádraig, Domhnach Maighean, á tógáil i dTaplach idir na blianta 1800 agus 1801 (McKenna 1920a: 392; Ó Gallchobhair 1955: 79-80). Thug sé an lámhscríbhinn ar iasacht thart faoin am sin do Phádraig Ó Cathaláin (idir 1788 agus 1793) agus do Nicholas Fitzsimons (1797). Foilsíodh cúpla píosa dá chumadh féin sa dara heagrán de *The Spiritual Rose* tar éis a bháis,<sup>2169</sup> ‘Duan an Duine Dhoscáidh’ ina measc, a bhfuil

---

<sup>2166</sup> Féach nóta 2848 thíos. D’áitigh Ó Gallchobhair (1955: 79) seo cheana.

<sup>2167</sup> Ar an 20 Meán Fómhair 1782 a chláraigh sé é féin i Muineachán, ‘Bernard Calan priest’, *Catholic Qualification Rolls*.

<sup>2168</sup> Tugadh na tailte seo don Ath. George Mohan, an 2 Bealtaine 1794, le séipéal úr a thógáil i dTulaigh Charbaid ‘in trust for the Roman Catholic inhabitants of the Parish of Tullycorbett and the Reverend Bernard Callan Pastor of Inniskeen’. Chuir sé a shíniú leis an léas, ‘Ber<sup>d</sup> Callan’, agus tá sínithe roinnt daoine eile leis. Cuireadh an léas sin i gcló ina iomláine in Mulligan (1976: 79-82).

<sup>2169</sup> Is iad ‘Dies Irae’, *Lá na feirge, lá úd an léirscios*, agus ‘Duan an Duine Dhoscáidh’, *San am a roibh mise óg*, na dánta, agus tá siad curtha in eagar in McKenna (2001: 268-75). Deir Ó Gallchobhair (1955: 80), ‘In 1800 he financed an Irish prayer-book, compiled by Matthew Kennedy ... called “The Spiritual Rose”’, agus tá tagairtí aige dó mar phátrún ar *The Spiritual Rose*, ach ní heol dom gur dhíol an tAth. Brian Ó Cathaláin as na costais fhoilsithe, cé gur fiú a lua gur cuireadh i gcló é i Muineachán.

cóip de ina lámh féin in COBÁC A39 (a),<sup>2170</sup> ach chuaigh díom a léiriú go raibh aon bhaint aige leis an gcéad eagrán de *The Spiritual Rose* (1800),<sup>2171</sup> an t-aon leagan de a cuireadh amach lena ré. Cuireadh a chuid dánta leis an dara heagrán den saothar, arb é an ceathrú cló é agus a cuireadh tríd an bpreas i Muineachán sa bhliain 1825.<sup>2172</sup> Is meascán í cuid (b) de COBÁC A39 de nótaí fánacha ar chúrsaí foclóra agus sanasaíochta, lena gcuireadh sé ábhar breise ó am go chéile suas go dtí na míonna deireanacha dá shaol.<sup>2173</sup>

Scríobh James Murphy, Easpag Chlochair, chuig an Ath. Brian i mí na Samhna 1803, ag cur sagart cúnta chuige, tharla a laige a bhí sé an tráth sin le galar boilg éigin. Ceanglaíonn Ó Gallchobhair (1955: 81 *n.q*) an galar seo leis an bhfiabhras a bhuail é thart faoi mhí Feabhra na bliana 1774. Tagraíonn an tEaspag Murphy go speisialta don ‘infirm and irritated state of your stomach and bowels ... your broken down constitution ...’ (Mulligan 1981: 342).<sup>2174</sup> Níorbh as dó—fuair sé bás cúpla mí ina dhiaidh sin, go luath sa bhliain 1804.<sup>2175</sup> Scríobh Ó Gallchobhair (1955: 81 *n.r*) gur féidir gur adhlacadh é i lusca mhuintir Chathaláin (a tógadh sa bhliain 1710) i seanreilig Dhomhnach Maighean.

---

<sup>2170</sup> COBÁC A39 (a), lch 242. ‘Duan an Daone Dhosciach’, *San am da raibh mise og*. Tugtar ainm an dáin sa chlár amháin, ar lch [iii]. Ní fios cé a scríobh an clár, ach is maith a chuid peannaireachta, agus dhealródh sé gur scríobhaí é.

<sup>2171</sup> An leagan ar a dtugann McKenna (1991; 2001) leagan A. Tugtar eolas ar na leaganacha difriúla i nótaí 333, 1315 thuas.

<sup>2172</sup> Leagan C in McKenna (1991; 2001). Féach nótaí 333, 1315 thuas.

<sup>2173</sup> COBÁC A39 (b), ff. 6v (1801), 21 (1803).

<sup>2174</sup> Tugtar DIO 1/4A/7 ar an litir sin; féach Forsythe (1989: 7). Tá sí i gcló in Mulligan (1981: 342).

<sup>2175</sup> Más fíor do McKenna (1920a: 385). Deir Ó Gallchobhair (1955: 81) go bhfuair sé bás am éigin sa bhliain 1804.

**COBÁC A18.** *Blogh di.*<sup>2176</sup> Teideal agus *approbationes* ‘Smaointe Beatha Chríost’. Baile Mhic Eileoid, An Lú [? 1710].

Más fíor don mhéid atá scríofa ar leathanach teidil COBÁC A18, ba i mBaile Mhic Eileoid a ghráf Labhrás Ó Cathaláin leathanach teidil COBÁC A18 sa bhliain 1710, agus é ina nóibhíseach in Ord San Proinsias,

Ag so Béatha agus Bás *ar Slánaíght[h]eóra Íosa Críosda arna sgríobha le Labhras O Cathalan, Nóbhíst d’Órd S. Frónsías arna tionsgáineadh an 20adh lá don m(b)hí Octóber an bhliághain [—1710]. A mBaile Mhic Íolod.*<sup>2177</sup>

Is doiligh a bheith sásta leis an dáta 1710, tharla gur cuireadh an dáta bunaidh ar ceal, agus gur scríobhadh seo thairis. Dhealródh sé, ó na *happrobationes* a scríobh Labhrás i dtús na lámhscríbhíne, go raibh sé tar éis toiliú na n-údarás a fháil leis an téacs<sup>2178</sup> a chur i gcló, ach ní dócha go ndearnadh sin riamh.<sup>2179</sup> Sholáthair Labhrás ceann de na graiméir ghearra sin atá coitianta sna lámhscríbhíne déanacha don Ath. Séaghan Ó Donnghaile ó Dhroichead Átha fosta.<sup>2180</sup> Rinne an tAth. Séaghan Ó Donnghaile an píosa a athscríobh i lámhscríbhíne dá chuid féin sa bhliain 1712,<sup>2181</sup>

<sup>2176</sup> Glactar leis in de Brún (1968: 618), agus in Dillon, Mooney & de Brún (1969: 36), gur scríobh Labhrás Ó Cathaláin an t-iomlán, mar a rinneadh in Ó Maonaigh (1944: xxviii), ach ní dóigh liom gur ghráf sé aon chuid den príomhthéacs é féin. D’fhoilsigh de Brún (1970) ceartúchán beag nár scríobh Labhrás na ceithre dhán atá laistigh den chlúdach, ach is dóigh liom féin nár scríobh Labhrás ach an leathanach teidil (f. 1), na *happrobationes* ar an taobh eile den duilleog sin, agus an giota beag den rann ar an duilleog i ndiaidh f. 96, ar sracadh a fhormhór chun siúil, *Is trua sin a leabhráin bhig bháin*. An príomhthéacs, is i láimh an Ath. Cormac Mac Cuan atá sí, sílim (féach nóta 1370 thuas), agus is dóigh liom gur scríobh an tAth. Cormac na ceithre dhán sin a úsáideadh mar dhramhpháipéar nuair a bhí an lámhscríbhíne á ceangal.

<sup>2177</sup> Féach an leathanach teidil (f. 1). Cealaíodh an bhliain a scríobh an tAth. Labhrás Ó Cathaláin trí chuimilt, agus cuireadh ‘1710’ ina háit. Maidir leis na duilleoga scaoilte, is dóigh liom gur i bpeannaireacht an Ath. Cormac Mac Cuan atá siad—ach gur dréachtaí iad; féach nóta 1370 thuas. Tá scríofa ar an leathanach teidil na focail, ‘Hugonites are very mischivious [*sic*] to religion’.

<sup>2178</sup> Aistríodh go Gaeilge é sa 15ú hAois.

<sup>2179</sup> F. 1v.

<sup>2180</sup> An cineál graiméir a ndearnadh plé air i gCaib. 1.2.3.

<sup>2181</sup> ARÉ 24I5 (1140), lgh 385-9. Is i bpeannaireacht an Ath. Séaghan Ó Donnghaile atá an téacs féin, agus scríobhadh i Loháin é, de réir dealraimh; féach nótaí 2522, 2524 thíos. Glacaim leis gur



is dóigh, nuair a bhí sé lonnaithe sa choláiste i Lobháin. Ós rud é go bhfuil tagairt i dtaifid an choláiste don Ath. Labhrás a bheith ina *diaconus* ann ar an 19 Feabhra 1714, dhealródh sé, mar gheall ar an gcairdeas a bhí aige leis an Ath. Séaghan, go raibh Labhrás sa choláiste sin chomh luath leis an mbliain 1712, ach is beag de na taifid a tháinig slán. Tá tagairt amháin dó sna *Louvain Papers* a léiríonn go raibh na móideanna glactha aige faoin 19 Feabhra 1714 (de Brún 1968: 618; Jennings & Giblin 1968: 349-50), agus dealraíonn sé go raibh sé fós ann, ag scrúdú lámhscríbhinní Gaeilge Lobháin sa bhliain 1718. Tá a shíniú inléite in COBÁC A20, an *Duanaire Finn*, agus an bhliain 1718 taobh leis.<sup>2182</sup>

**2.125. Mícheál Ó Cathaláin, fl.1795**

[Mich<sup>l</sup> Callan]<sup>2183</sup>

**COBÁC M13.** Formhór di. Dánta le Séamus Mac Cuarta, Baothghalach Ruadh Mac Aodhagáin, ‘Ortha Mhuire’, ‘Seachrán Chearbhaill Uí Dhálaigh’, ‘Psailm na Marbh’, búrdún agus dánfhocail, ceisteanna matamaitice, seanráite Béarla, ‘Críocha Déanacha an Duine’. [? 1795].<sup>2184</sup>

Scríbhneoir garbh a bhí ann agus tá an lámhscríbhinn seo, ar meascán d’fhillíocht

Oiriaila í, caite go mór. Scríobh Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2] (*q.v.*) dán

scríobhadh í sa bhliain ar scríobhadh an chuid eile den leabhar, ar cóip de leagan Laidine Lynch de ‘Foras Feasa air Éirinn’ í.

<sup>2182</sup> An lámhscríbhinn cháiliúil (COBÁC A20) ina bhfuil dhá chuid: (a) ‘Agallamh na Seanórach’ agus (b) an ‘Duanaire Finn’, agus iad arna ngrafadh ag Niall Gruamdha Ó Catháin agus Cathaoir Ó Dochartaigh, 1627. Tá dhá nóta i láimh Labhráis ag tús chuid (a), ar lch [i]; féach Dillon, Mooney & de Brún (1969: 40-1), áit a dtugtar iad. Cuireadh an dáta 1718 leo beirt, agus is é seo an ceann is faide: ‘Labhráis Ó Cathalán do sgríobh só an bhliaghain d’Aois an Tig[h]earna 1718—duine *meat míarach* súigach ganamnaigh suighalgach *mormheanamnach* ruinphártach fíolbhuir féalach múirnach grábhuid déabhathach’. Féach de Brún (1968: 618 *n.5*), áit a ndeirtear go dtaispeánann sé seo go raibh sé fós i Lobháin an uair sin.

<sup>2183</sup> Lch 3.

<sup>2184</sup> Tugtar dáta, 1795, in áit amháin sa lámhscríbhinn: ‘Sworn and acknowledged ... the [ ] day of Oct<sup>r</sup> 1795’, dréacht d’fhoirm oifigiúil a bhreac an scríobhaí féin ar lch 2. Is é seo an dáta ar bhain Énrí Ó Muirgheasa (1905*b*: 766 col. a) leas as nuair a chuir sé a chatalóg le chéile; féach an nóta a chuir sé ar cheann de na fordhuilleoga: ‘See page 2 for date 1795, [see page] 3 [for] Co. Monaghan and scribe’s name’. Féach nóta 2185. An bhliain eile a luann sé sa chatalóg, 1794, is ar cheann de na leathanaigh a ghráf Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2] atá sí. Gheofar síniú an scríobhaí ar lgh 3 (i mBéarla), 30, 50, 87, 94, 98, 121.

amháin isteach in COBÁC M13. De réir mar a luaigh Watson (1979: 118) cheana, tá an chóip is luaithe den téacs uathúil sin, ‘Seachrán Chearbhaill Uí Dhálaigh’, inti i lámh Mhíchíl. Is dócha gur scríobhadh COBÁC M13 i gCo. Mhuineacháin agus, b’fhéidir, i dtuaisceart an chontae sin;<sup>2185</sup> tá leagan eile den téacs céanna, ‘Seachrán Chearbhaill Uí Dhálaigh’, i lámhscríbhinn le Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [1]. Deirtear in Smith (2017: 334) gur féidir gurbh as an dúiche thart ar Charraig Mhachaire Rois do Mhícheál Ó Cathaláin, ach is fiú a chur san áireamh go raibh ceangal láidir ag Mícheál le Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [1] agus le Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [2]. Is tréith aisteach de chuid an scríobhaí seo go scríobhann sé *go fhoill* cúpla áit sa lámhscríbhinn, atá lán le foirmeacha canúna eile.<sup>2186</sup>

## 2.126. Pádraig Ó Cathaláin, fl.1788-93

[Patt Callan]

**COBÁC A39 (a-b).** Bloghanna díobh. Búrdúin agus dánfhocail, breiseanna le laoi fiannaíochta, dán [le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin], ‘Trácht ar Mherlínó’. **1793:**—Lobháin;<sup>2187</sup> **gan dáta:**—Dún Dealgan, An Lú<sup>2188</sup> 1788-93. [Don Ath. *Brian Ó Cathaláin*].<sup>2189</sup>

Níl againn de shaothar lámhe Phádraig Uí Chathaláin ach an beagán a bhreac sé ar lámhscríbhinn an Ath. Brian Ó Cathaláin. Ba sa bhliain 1788 a grafadh an chéad nóta a bhfuil dáta curtha aige leis. Tharla gur léir go raibh aithne aige ar an Ath. Brian agus ar scéal a bheatha, go raibh Art Ó Cathaláin ar a athair féin, agus gur thug sé in

<sup>2185</sup> ‘... to [be] present<sup>d</sup> this at the next Q<sup>e</sup> Sessions of the Peace to be held in Monaghan in Said County’, lch 3. Tá logainm doléite (‘Dona[...d(?)]’) ag gabháil le cuntas cíosa ar lch 1 fosta.

<sup>2186</sup> Sa rann *Is truagh sin, a leabhráin bhig bháin*, a bhfuil cóipeanna de ar lgh 3 (*go foil*), 50 (*go fhoil*), 87 (*go fhoil*), 94 (*go foil*).

<sup>2187</sup> COBÁC A39 (a), lgh 99, 380.

<sup>2188</sup> Féach an nóta (gan dáta) in COBÁC A39 (a), lch 95, ‘Mr. Patt Callan of Dundalk Dividend Cotuard Callan’.

<sup>2189</sup> Tá an argóint chéanna i gceist anseo agus a bhí i nóta 1814 thuas.

amhail dul le sagartacht, tá gach aon seans ann gur dheartháir é le Brian Ó Cathaláin. Más fíor, is é is dóichí gurbh as Co. Mhuineacháin dó. Mheas Ó Gallchobhair (1955: 80 *n.k*) gurbh é an Patrick Callahan (O'Callan) ó Dheoise Chlochair a cláraíodh i gcoláiste Lobháin an 31 Nollaig 1791;<sup>2190</sup> bhí sé fós ar leabhair an choláiste i mí Lúnasa 1793,<sup>2191</sup> agus i Lobháin chomh mall leis an 6 Meán Fómhair 1793,<sup>2192</sup> seacht mí tar éis do na Francaigh seilbh a ghlacadh ar an gcoláiste.<sup>2193</sup> Is maith an léargas a thugann nóta a scríobh sé sa lámhscríbhinn ar an 2 Márta 1793 ar a chorráithe a bhí an áit a raibh sé an uair sin:

Airna scríbhugh le Pattrig Ô Cathalán *tar eis a theacht air eis dhó on gcach [leg. gcath] uafasach siud do tugugh air a' taobh amuith de Lomhann agus anar goinnadh mórán mór de na Francaigh an feacsiunt féin, an dara lá de mhí na Márta míle seacht gcéud 3 bliadhna agus nóchad 7c.*<sup>2194</sup>

Bhí an lámhscríbhinn i seilbh an Ath. Brian Ó Cathaláin arís sa bhliain 1794,<sup>2195</sup> rud a thabharfadh le fios gur éirigh le Pádraig Ó Cathaláin filleadh ar Éirinn faoi dheireadh na bliana sin. Theip orm teacht ar rud ar bith a chruthódh gur chuir an mac-chléireach seo a chúrsa i gcrích ina dhiaidh sin, ná go raibh sé ag obair ina dheoise féin ná sna deoisí fá gcuaird. An beagán eolais atá ar fáil i dtaobh Phadraig in COBÁC A39, tá sé i gcló cheana ag Énrí Ó Muirgheasa (1936: 145-6) mar chuid den phlé a rinne sé ar dhá dhán a leagtar ar Phadraig Ó Cathaláin éigin i lámhscríbhinní de chuid scoláirí Dhún Dealgan. Tugtar, taobh leis na dánta seo i gceann de na lámhscríbhinní, eolas amhrasach faoin údar seo, Pádraig Ó Cathaláin. An chéad dán sa tsraith seo, *Tá mo chroidhe 'stigh gá sgríúdughadh (snaidhmeadh)*

---

<sup>2190</sup> Tá eolas ar fáil faoin dá bhliain a chaith sé ann in Nilis (2006-7: 280). Tugtar 'pauper' (.i. duine nach raibh in inmhe díol as a chuid táillí oiliúna) air sna taifid.

<sup>2191</sup> Féach Nilis (2006-7: 280).

<sup>2192</sup> COBÁC A39 (a), lch 99.

<sup>2193</sup> Glacadh seilbh ar an gcoláiste ar an 31 Eanáir 1793, agus cuireadh ar ceant é an 6 Bealtaine 1797 (Dillon, Mooney & de Brún 1969: xv).

<sup>2194</sup> COBÁC A39 (b), lch 381. I gcló cheana in Ó Muirgheasa (1936: 146), ach amháin gur léigh sé 1791 in ionad 1793, agus in Dillon, Mooney & de Brún (1969: 87).

<sup>2195</sup> COBÁC A39 (a), lch 334.

*le grádh*,<sup>2196</sup> deirtear sna lámhscríbhinní gur cheap Pádraig Ó Cathaláin é ar Sheán Ó Cathaláin, agus is é freagra Sheáin air sin, *Mairfidh do chliú go bráth*.<sup>2197</sup> Tá dhá chóip ar fáil, cóip amháin in ARÉ 23B19 (495), lámhscríbhinn ó Dhún Dealgan ina bhfuil cuid mhaith de na dánta a chum baill de scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha; is i bpeannaireacht Niocláis Uí Chearnaigh (ball den scoil sin) atá an chóip eile in ARÉ 23E12 (769), agus is dóigh gur cóip leasaithe í dá bhfuil in ARÉ 23B19 (495), a bhí i gcnuasach lámhscríbhinní Niocláis Uí Chearnaigh i mBaile Átha Cliath nuair a scríobh sé ARÉ 23E12 (769) in 1846.<sup>2198</sup> Deirtear sa dá chóip den dara dán gur do Phadhra Gasta Liath *mac Airt* mhic Phádraig mhic Thaidhg Riabhaigh Uí Chathaláin a cumadh é. Tá cuntas thar a bheith mionsonraithe ar an bhfile seo i gcóip Niocláis Uí Chearnaigh, ina dtugtar le tuiscint, mar a tchífeá, go bhfuair an file bás timpeall na bliana 1687 ('about 159 years ago'), agus gurbh uncail é leis an Ath. Brian Ó Cathaláin,

The following seems to be a verbatim translation of a beautiful old English pastoral poem, in fact the closest and best translation that can possibly be met with; but there are doubts whether it was ever written as a translation, or whether what we now call the original may not be the translation; these doubts arise when we take into consideration that from the best information obtained Patrick O Callan of Stonetown in the parish and C<sup>o</sup> of Louth, commonly called Para Gasta Liath, was paternal uncle of Rev<sup>d</sup> Brian O'Callan P.P. of Iniskeen in the C<sup>o</sup> of Monaghan, an eminent Celtic Scholar and bard, died about 150 [*athraithe go* 159] years ago (now 1846) probably before the English poem alluded to, was composed, and that he never spoke a

<sup>2196</sup> Patruig O Cathalan, 'Ceól Treaduigheach', *Ta mo chraoidh 'stí da sgríúdhadh le gradh*, ARÉ 23B19 (495), lch 91; Pátraic O Cathalain, 'Ceol Treádaigheach', *Tá mo chroidhe 'stígh ga snáidhmeadh le grádh*, ARÉ 23E12 (769), lch 357.

<sup>2197</sup> 'Trí rinn is abhran do comadh le Seán Buidhe Úa Cathalan do P[h]adhra Gasta Liagh mheic Airt mheic Phadruig mheic Taidhg Riádhmhuigh Uí Chathalain os Baile na Cloiche', *Mairfidh do chliú go bráth*, ARÉ 23B19 (495), lch 94; 'Trí rinn 7 abhran do comadh le Seán Buidhe Mhac [*ceartaithe go* O] Cáthalain do Phadhra Gasta Liath mhac Airt mheic Pátraig mheic Táidhg Riamhaich Uí Cháthlain Bhaile na Cloiche', *Mairfidh do chliudh go bráth*, ARÉ 23E12 (769), lch 358. Tá nóta le ARÉ 23E12 (769), lch 358, 'This is a tribute of affection to Para Gasta Liath O Callan of Stonetown the author, or translator of the foregoing poem, by John Buidhe O Callan; it is transcribed from the same old MS. in which the foregoing was found'.

<sup>2198</sup> Shíniigh Nioclás Ó Cearnaigh a ainm go minic ar ARÉ 23B19 (495). Tá cúpla difríocht an-bheag idir an dá chóip, ach dhéanadh Nioclás a chuid téacsanna a chur in eagar (nó a athscríobh) go minic. Ach le bheith cothromach, caithfeá a admháil nárbh é an t-aon scríobhaí a dhéanadh sin.

word of English in his life and did not even understand it. Under these circumstances it cannot be considered as an intended translation. It is transcribed from a very old MS.<sup>2199</sup>

De bhreis air go bhfuil sé thar a bheith éadócha go mbeadh dáta báis duine a cailleadh sa 17ú hAois ar eolas ag scríobhaí de chuid na 19ú hAoise gan an méid sin a bheith curtha síos áit eile i marbhna nó i dtaifead éigin den sórt sin, is léir go bhfuil an tagairt a dhéantar ann don Ath. Brian Ó Cathaláin iontach míchruinn. Ó tharla go nglactar leis go coitianta gur rugadh an tAth. Brian Ó Cathaláin (*q.v.*) tuairim agus an bhliain 1750, dáta a réitíonn go maith leis an mbeagán atá ar eolas againn faoina bheatha, is ar éigean is féidir a chreidiúint go dtiocfadh le huncail leis an Ath. Brian Ó Cathaláin a bheith breis agus céad bliain níos sine ná é.<sup>2200</sup> Ós eol dúinn nár leasc le Nioclás Ó Cearnaigh finscéalta a chumadh le bearnaí a líonadh nó le scéal leamh a bheoú, ní gá dul níos faide ná sin le bheith sásta, ceapaim, gur cheap Nioclás Ó Cearnaigh an scéal seo, a bheag nó a mhór, le spéis a phátrúin, William Elliott Hudson, a choinneáil san obair a bhí ar siúl aige. Ní thugann an tseanchóip, ARÉ 23B19 (495), aon eolas dúinn ar an mbeirt ach an ginealach agus an leasainm ar tagraíodh dóibh cheana. Leoga, tá ARÉ 23B19 (495) sínithe áit amháin ag ‘Patrick Callan’ agus ‘John Callan’ éigin.<sup>2201</sup> Má ghlactar leis go raibh Nioclás Ó Cearnaigh ag tarraingt ar shaothair daoine eile a bhí suas lena linn féin, is féidir—mar gheall ar an bhfaisnéis a thugtar in ARÉ 23B19 (495)—gurbh é an scríobhaí seo againne an duine a chum an chéad dán, agus an té dár ceapadh an dara ceann. Bhí lámhscríbhinn de chuid Aodha Uí Néill (*q.v.*) i seilbh Patt Callan éigin ó Greyacre, Co. Lú, seal, agus thug sé í ar iasacht do Nioclás Ó Cearnaigh.<sup>2202</sup> Seo an duine a bhí faoi

---

<sup>2199</sup> ARÉ 23E12 (769), lch 357.

<sup>2200</sup> Bíonn gach glúin úr, ar an meán, thart ar 30 bliain níos óige ná a chéile, ach thig leis seo dul as riocht go mór.

<sup>2201</sup> In imeall lch 5.

<sup>2202</sup> ‘Patt Callan of Greyacre is the proprietor of this book, and obligingly lent the same to me for which may God reward him. Vale igitur vale, Nich. Kearney’, COBÁC M22, lch [v].

chaibidil ag Patrick O'Farrell sa liosta scoláirí Gaeilge a chuir sé le chéile in 1853 (Ó Casaide 1940: 257),<sup>2203</sup> is dóigh, ach is doiligh talamh slán a dhéanamh de gurb ionann é agus údar an dáin thuas, agus bheadh níos mó eolais ag teastáil go deimhin lena cheangal leis an scríobhaí.

[Ó Ceallaigh]: *féach* Kelly

[Ó Cearbhaill]: *féach* Carroll

**2.127. Pádraig Ó Cearbhaill, fl.1845**

[Patrick Carroll]

**ARÉ 23O77 (1386).** Blogh di. Aitheasc ar an nGaeilge. Droim Ing, Dún Léire, An Lú 1845.

Is éard atá sa bhlogh seo lámhscríbhinne, atá ceangailte le páipéir Sheáin Uí Dhálaigh, cóipeanna Gaeilge agus Béarla d'aitheasc ar stair na Gaeilge agus an riocht ina raibh sí an uair sin, sa bhliain 1845. Ar an Rialtas agus na Sasanaigh trí chéile is mó a chuirtear an locht: deirtear gur shearg an Ghaeilge 'fa sgiathaibh nathaireamhuile an tSasanaigh' nó 'the scorpion wings of the Saxon'<sup>2204</sup> Leag Nioclás Ó Cearnaigh an t-amhrán 'Iomáin Átha na gCasán' ar Phádraig Ó Cearbhaill éigin a dtugann sé 'Padhra an Bhainne' air,<sup>2205</sup> ach is spéisiúil nach bhfuil leasainm

---

<sup>2203</sup> Tugtar eolas faoin liosta seo in Ó Casaide (1940); tugtar '[21] Patrick Callan, Greyacre, county Louth' air.

Is doiligh *Greyacre* a cheangal le logainm áitiúil ar bith.

<sup>2204</sup> ARÉ 23O77 (1386), ff. 221, 223.

<sup>2205</sup> Tosaíonn an t-amhrán leis an líne, *Aig dol go hÁth na cCasán dham, 's e chas orm an sluagh san aoidhche*, ARÉ 23E12 (769), lch 53, a scríobhadh in 1846. Leis an 19ú hAois a bhaineann an téacs féin. Tá cóip eile sa lámhscríbhinn a scríobh Peadar Ó Gealacháin do Bhrian Ó Tomaltaigh, ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 15v. Scríobhadh an chuid seo di in 1843, agus is léir go raibh Nioclás Ó Cearnaigh ag tarraingt ar chóip Pheadair Uí Ghealacháin, rud nach bhfuil dochreidte tharla go raibh aithne ag Brian Ó Tomaltaigh ar Nioclás Ó Cearnaigh. Féach nóta 2711. Tá gíotaí breise den téacs i lámh Pheadair Uí Ghealacháin ceangailte le cóip Niocláis Uí Chearnaigh, ARÉ 23E12 (769), lch [54a]. Níl Áth na gCasán ach cúpla míle taobh thoir de Dhroim Ing.

den sórt sin luaite i gcóip Pheadair Uí Ghealacáin den téacs, ar ar bhunaigh Nioclás Ó Cearnaigh a leagan féin de. Ní thugann Peadar Ó Gealacáin ainm an údair, agus ní féidir ‘Padhra an Bhainne’ a cheangal go sábháilte leis an scríobhaí seo againn.

**2.128. Cathal Ó Cearbhalláin, c.1809-79**

[Charles O’Carolan]

**LN G702(21).** Autograf (marbhna Aodha Mhic Dhomhnaill [2]). 1867.

Chuig *Roibeard Mac Ádhaimh*.

**OÉG H66.** Blogh di. Autograf (dán ar Sheorsa Ó Mhachaire). 1840. Chuig *Seorsa Ó Mhachaire*.<sup>2206</sup>

Tá an beagán eolais atá ar fáil faoin duine seo curtha le chéile, den chuid is mó, ag Ó Buachalla (1968) agus de Brún (2009) cheana.

Más doiligh a chreidiúint gur rugadh Cathal Ó Cearbhalláin tuairim is an bhliain 1809, tharla go raibh sé ag teagasc chomh luath leis an mbliain 1824, tugtar le fios in dhá áit gur tháinig sé ar an saol thart faoin mbliain sin, 1809.<sup>2207</sup> Mac le James O’Carolan, scológ,<sup>2208</sup> a bhí ann, agus tharlódh sé gurbh as Co. an Longfoirt dó, nó ó Cho. na Mí, mar a deirtí go traidisiúnta sa dúiche thart ar an gCarraig Fhinn, Co. Dhún na nGall, áit ar chaith Cathal na blianta deiridh dá shaol. De réir na dtraidisiún céanna, b’ábhar sagairt é Cathal tráth nó gur éirigh idir é agus an dream a raibh sé

---

<sup>2206</sup> Is beag atá ar eolas faoi Sheorsa Ó Mhachaire (*fl.*1835-41), ach gur dóigh gurbh Albanach é a chuir spéis sa Ghaeilge, agus a bhí ag cur faoi i mBéal Feirste sa bhliain 1840. Ba eisean a réitigh, le cuidiú scoláirí Gaeilge, an leabhar *Casan na Gaoidhilge* (1841) don chló, agus ba chigire é leis an *Home Mission* fosta. Tugtar nótaí gearra ar an duine seo in Ó Buachalla (1968: 100 *n.*9, 103), Blaney (1996: 78, 80, 169-72), Hughes (2006a: 74), agus de Brún (2009: 267 *n.*1, 405). Tá litreacha a scríobh Seorsa agus Roibeard Mac Ádhaimh chuig a chéile in OÉG H66, lgh 1, 3, mar aon le dán a chuir Cathal Ó Cearbhalláin chuige an 19 Meán Fómhair 1840; féach nóta 2213. Bhí cónaí ar Sheorsa Ó Mhachaire i Sr. an Chaisleáin, Béal Feirste, an uair sin.

<sup>2207</sup> An aois a thugtar ar a theastas pósta agus ar a theastas báis. Déantar tagairt do na teastais i nótaí 2215, 2223 thíos.

<sup>2208</sup> De réir theastas pósta Chathail, áit a dtugtar ‘James O Carolan’, scológ, ar a athair. Féach nóta 2215.

faoina gcúram [? údaráis choláiste éigin], gur iompaigh sé ina Phrotastúnach.<sup>2209</sup> Is dóigh gur chaith sé seal ina mhac léinn faoin Oll. Pól Ó Briain, cibé rud é, nó go mbuaileadh Cathal leis an sean-Ollamh, agus é ar a ‘c[h]uairt mhísa’ i mBréachmhaí.<sup>2210</sup> Tá cúpla cosúlacht idir peannaireacht na beirte, ach go bhfuil script Chathail níos nádúrtha; agus, dála Phóil, ba bheag a bheann ar noda agus ar ghiorrúcháin agus é ag scríobh Gaeilge. B’fhéidir go dtugann sé sin leid dúinn go raibh ceangal éigin ag Cathal le Co. na Mí, ach bhí cónaí air i gCo. an Longfoirt nuair a bhí sé ina dhéagóir.

Is ag múineadh na Scriptor trí Ghréigis as a stuaim féin i dteach an mhargaidh i nGránard, Co. an Longfoirt, a bhí Cathal Ó Cearbhalláin nuair a scríobh lucht bailithe *Thuarascáil* 1824<sup>2211</sup> a dtuairisc faoi, ach níorbh fhada ina dhiaidh sin a thosaigh sé a ghlacadh íocaíochtaí ón *Irish Society*,<sup>2212</sup> a thairg dó post mar mhúinteoir agus mar chigire ar an 23 Aibreán 1824 (de Brún 2009: 405). Dealraíonn sé nach raibh an scór istigh ag Cathal an uair sin. Is maith a thacaíonn a chumas sa Ghréigis leis an scéala a bhí amuigh air ar an gCarraig Fhinn, Co. Dhún na nGall, mar a bhfuair sé bás, go raibh sé ag smaoineamh ar dhul le sagartacht i dtús a bheatha, ar ndóigh.

Chum sé dán, *Air an naoimhad[h] lá déag don Mí Fhabhra gan bhreig*<sup>2213</sup> sa bhliain 1840 do ‘Mháighistir Mhachaire’ .i. Seorsa Ó Mhachaire (fl.1835-41) nó George

---

<sup>2209</sup> Más fíor sin, níl trácht air i dtairfid Mhaigh Nuad, an méid acu a cuireadh i gcló in innéacsanna Hamell (1982). Is féidir gur chaith sé seal i bPáras, óir tá bunús na dtairfead cailte i gcás an choláiste sin, ach ní dóigh liom é.

<sup>2210</sup> Féach nóta 2213 thíos, áit a bhfuil sliocht as dán de chuid Chathail ina luaitear an tOll. Pól Ó Briain.

<sup>2211</sup> Lgh 696-7.

<sup>2212</sup> Ba é Cathal Ó Cearbhalláin a scríobh chuig an *Irish Society* ar dtús ar an 15 Aibreán 1824; caithfidh sé nach raibh sé go maith as, óir ní raibh aige ach 14 mhac léinn, de réir na *Tuarascála*.

<sup>2213</sup> Tá an t-aon chóip den téacs atá againn in OÉG H66, lgh 64-6, *Air an naoimhad[h] lá déag don Mí Fhabhra gan bhreig* (1840), agus is autograf é. Féach nóta 2206, áit a dtugtar liosta foinsí ina bhfuil eolas ar Sheorsa Ó Mhachaire (George Field). Is dóigh go bhfuil *mí Amhra* [= mí Mheán Fómhair] le léamh ar chéadlíne an dáin agus ní *mí Feabhra*. Mar litir chuig Seorsa Ó Mhachaire, Sr. an Chaisleáin,



Field, a bhí nasctha leis an gcumann gaelach i mBéal Feirste sna 1830í, agus leis an *Home Mission* i gCúige Uladh. Is dóigh go raibh cónaí ar Chathal i gCúige Uladh faoin am sin—i mBéal Feirste, b’fhéidir—óir deir sé sa dán go bhfuil sé ar intinn aige dul suas go Cúige Laighean an Samhradh dár gcionn.<sup>2214</sup> Taispeánann an dán fosta go raibh aithne ag Cathal ar Aodh Mhac Domhnaill [2] faoin mbliain 1840. Bhí Aodh ar comhaois leis, beagnach, agus dhealródh sé go raibh Cathal eolach ar cibé obair a bhí ar siúl ag Aodh, ar a laghad, sular thosaigh sé a obair do Roibeard Mac Ádhaimh tuairim na bliana 1842. Phós Cathal Anne McDonnell, iníon Aodha, i mBéal Feirste ar an 30 Lúnasa 1847.<sup>2215</sup> Is eol dúinn gur cuireadh Aodh Mhac Domhnaill [2] chuig Dún na nGall a mhúineadh na Scrioptúr sa bhliain 1856, agus gur éirigh sé as in 1859, ach ní léir cén tráth a ndeachaigh Cathal ann, ach amháin gur cuireadh chuig an gCarraig Fhinn é i mí Aibreáin 1862,<sup>2216</sup> áit ar rugadh a pháiste deiridh, go bhfios dúinn, Mary Elizabeth O’Carolan (*al.* Eliza Maria

---

Béal Feirste, a ceapadh an dán, agus luaitear ann Seorsa, an tOll. Pól Ó Briain nár mhair, agus Aodh Mhac Domhnaill [2]. Priontáladh an tagairt don Oll. Pól Ó Briain cheana sa chuntas air i gCaib. 2.114 thuas, ach is fiú é a thabhairt arís,

Marg! ’s monuar! nach bhfuil Pól ó Mhagh an Fhuair,  
aig teacht go Breafa air a c[h]uairt mhísa;  
searc seirce mo chliabh é, ’s me ’mo dhithleacht’ ’na dhiaigh ...

Tá ábhar an dán ar lgh 64-5, agus is clúdach air é lch 66, ar a bhfuil scríofa ‘Do / Mháighister Mhachaire / Sraid Chaisleán / mBél Feirste’. Comhleabhar lán le bloghanna éagsúla atá in OÉG H66, agus is é an nasc atá eatarthu gur bhain siad uilig le cnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh. Maidir leis an dóigh a bhfuair de hÍde seilbh orthu, féach Ó Buachalla (1968: 286).

<sup>2214</sup> Féach na línte seo sa dán, atá in OÉG H66, lgh 64-6.

Tiocfa an úair, a mbeirfa me mo rúaig,  
suas go Laighean, ansa tSamhra ma ain le Dia... (lch 65).

<sup>2215</sup> OAC, Cláruimhir: 1847, Ráithe 1, Iml. 2, lch 597.

Deirtear ar an teastas gur phós ‘Charles O’Carolan’, 38 mbliana d’aois, ‘teacher’ ó Bhéal Feirste, agus mac le ‘James O’Carolan’, ‘farmer’, le ‘Anne M<sup>c</sup>Donnell’, 21 bhliain d’aois, ‘dressmaker’ ó Bhéal Feirste, iníon le ‘Hugh M<sup>c</sup>Donnell’, ‘labourer’. Ba é Richard Oulton a cheiliúir an pósadh ar an 30 Lúnasa 1847 ‘at the Parish Church in the Parish of Belfast’. Shínigh ‘Ellen Morly’ agus ‘John Lemmon’ an teastas fosta.

<sup>2216</sup> Tugann de Brún (2009: 405) le fios go bhfuil taifead air seo i miontuairiscí an chumainn faoin 3 Aibreán 1862, ach ní féidir a rá cá háit a raibh Cathal ag múineadh scoile sna blianta roimhe sin. De réir an tseanchais atá ar fáil faoi, bhí postanna aige fosta leis an *Church Endowment Body* agus leis an *Island and Coast Society*, ach theip ar Ó Buachalla (1968: 256 n.35) teacht ar thaifid scríofa a thacódh leis an seanchas seo.

O'Carolan) ar an 16 Iúil 1864.<sup>2217</sup> B'fhéidir go raibh cónaí ar Aodh i dteach Chathail faoin am sin. Ba é Cathal, ar ndóigh, a chum marbhna ar Aodh Mhac Domhnaill [2] nuair a fuair sé bás in Earrach na bliana 1867, ní atá istigh le litir a scríobh Cathal chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 14 Iúil 1867.<sup>2218</sup> De réir an tseanchais áitiúil, bhí beirt mhac ag Cathal, Charles (*al. Cathal*) O'Carolan (*fl.*1879)<sup>2219</sup> agus James (*al. Séamus*) O'Carolan (*c.*1852-1883),<sup>2220</sup> agus iníon amháin, Anne Jane (*fl.*1877). Dhealródh sé go ndearnadh dearmad go háitiúil ar an iníon a luadh cheana, Mary Elizabeth O'Carolan (1864-1877), a cailleadh in aois a hóige. Bhí Cathal fós ag teagasc ann an 18 Samhain 1872 (de Brún 2009: 405), an bhliain ar toghadh ina bhall d'fhoireann bheistrí Ghaoth Dobhair é (Ó Buachalla 1968: 256 *n.*35), agus lean a

---

<sup>2217</sup> Mar Mary Elizabeth O'Carolan a thugtar a hainm ar an teastas breithe (*OAC*, Cláruimhir: 8229108). Rugadh ar an gCarraig Fhinn í an 16 Iúil 1864, iníon le Charles O'Carolan, 'schoolmaster' agus Anne O'Carolan iníon MacDonnell. Maidir lena bás, féach nóta 2222 thíos.

<sup>2218</sup> LN G702 (21). Gheofar pláta den autograf seo, *Ge nach bhfuil úrchorn lena luir a choimhead go buan*, in de Brún (2009: 338), agus cóip de in Ó Buachalla (1968: 256 *n.*35).

<sup>2219</sup> Níl d'eolas againn ar an mac seo, Charles O'Carolan (*al. Cathal*), ach gur lean sé ceird a athar (Ó Buachalla 1968: 256 *n.*35), agus is fiú an nóta iomlán a scríobh Breandán Ó Buachalla air a thabhairt thíos,

Ba ó Chontae na Mí d'Ó Cearbhalláin agus de réir an bhéaloidis b'ábhar sagairt tráth é. D'éirigh idir é agus na huachtaráin, ámh, is d'iompaigh sé ina Phrostatúnach. Fuair sé post mar oide scoile i gCarraig Fhinn faoin Church Endowment Body agus níos déanaí faoin Island and Coast Society agus sa bhliain 1872 toghadh ina bhall den Gweedore Select Vestry é. Fuair sé bás sa bhliain 1881. Bhí beirt mhac (Cathal agus Séamas) agus aon iníon amháin (Anne Jane) aige agus deirtear go raibh a chlann mhac ag teagasc i gCarraig Fhinn go dtí 1889'.

Faoin méid sin, tá nóta aige go bhfuair sé na nótaí seo ó Shéamus P. Ó Mórdha, a fuair sin go háitiúil ón Ath. T. O'Donnell, O.F.M., ón Oir. John Watson, agus ó Sheán Bán Ó Gallchobhair, An Charraig Fhinn.

Ba é Charles O'Carolan a chláraigh teastas báis a athar (féach nóta 2223 thíos) ar an 25 Meitheamh 1879. Ar an gCarraig Fhinn a bhí cónaí air an uair sin.

<sup>2220</sup> Dhealródh sé gurbh é James O'Carolan (*al. Séamus*) an mac a luaigh Cathal a bheith ag teagasc i nDroichead na Bandan sa bhliain 1867, nó ba ann a phós sé Margaret Sadleir, iníon John Sadlier, san Eaglais Phrotastúnach i gCarraig Ruacháin, Co. Chorcaí, ar an 30 Samhain 1871 (*OAC*, Cláruimhir: 2767706). Deirtear ar an teastas gur 'School Master' é James O'Carolan, agus gur 'Classical Teacher' a athair, 'Charles O'Carolan'. Níorbh fhada nó gur aistrigh sé go Baile Átha Cliath, óir rugadh i Leamhcan ar an 23 Feabhra 1874 (*OAC*, Cláruimhir: 8579034) Charles Samuel O'Carolan, mac le James O'Carolan, 'Tutor' ó Leamhcan, agus Margaret O'Carolan iníon Sadleir. An chéad taifead eile atá againn, deir sé linn go bhfuair Margaret O'Carolan, bean phósta, 25 bliana d'aois, bás go tobann ar an gCarraig Fhinn an 27 Eanáir 1875. Ba é an cróinéir a thug an teastas báis (*OAC*, Cláruimhir: 1875, Ráithe 1, Iml. 2, lch 99) don chláráitheoir áitiúil an 19 Márta 1875. Dhealródh sé gurbh í bean James í, agus go raibh siad tar éis filleadh ar theach a athar.

Is é an chéad taifead eile atá agam teastas báis 'James O'Carolan from 10 L<sup>f</sup> Abbey Street' a d'éag in Aontas Bhaile Átha Cliath Thuaidh ar an 17 Márta 1883. Bhí sé 31 bhliain d'aois ar uair a bháis, ina bhaintreach fir, agus ba 'tutor' é. Fuair sé bás den tisis, 'Phthisis 6 months 22 days', agus ba é Francis Rice, ball foirne den Aontas, a thug na sonraí don chláráitheoir áitiúil an 22 Márta 1883 (*OAC*, Cláruimhir: 6524344).

bheirt mhac, más fíor, ceird na múinteoireachta fosta. Is féidir, ar ndóigh, gurb é Charles mac Cathail atá i gceist anseo i dtaifid na bliana 1872.

I ndiaidh do bhean James O'Carolan, Margaret Sadleir, bás a fháil go tobann ar an gCarraig Fhinn an 27 Eanáir 1875, d'éirigh bean Chathail, Anne McDonnell, tinn i Samhradh na bliana sin, agus cailleadh í ar an 1 Eanáir 1877, in aois a 51 bhliain.<sup>2221</sup> Naoi seachtaine ina dhiaidh sin féin, d'éirigh an iníon ab óige, Mary Elizabeth O'Carolan, tinn le galar inchinne éigin, agus sciobadh ó Chathail í tar éis sé lá, in aois a 12 bliain, ar an 20 Feabhra 1877.<sup>2222</sup> Bhí iníon eile leis, Anne Jane, fós ar an mbaile an uair sin, agus dhealródh sé gurbh ionann dá mhac, Charles. Agus é curtha ó mhaith ag an tseanaois, lean sean-Chathail é féin a bhean agus a iníon dhá bhliain ina dhiaidh sin: ba ar an gCarraig Fhinn, an 10 Meitheamh 1879, a cailleadh é,<sup>2223</sup> agus chláraigh a mhac, Charles, a bhí i láthair ag an mbás, an teastas coicís ina dhiaidh sin. As sin amach, is doiligh a rá cén crann a thit ar an gcuid is mó dá chlann, ach de réir an traidisiúin bhéil, bhí cuid acu fós ag teagasc sa dúiche go dtí an bhliain 1889.

---

<sup>2221</sup> Anne O'Carolan, bean phósta, 49 mbliana d'aois, a fuair bás ar an 1 Eanáir 1877 ar an gCarraig Fhinn, Co. Dhún na nGall (*OAC*, Cláruimhir: 1877, Ráithe 1, Iml. 2, lch 77). Deirtear go raibh sí tinn le hocht mí dhéag anuas ar an teastas báis, agus go raibh sí pósta le máistir scoile. Tá an aois a thugtar ar an teastas, 49 mbliana d'aois, giota beag míchrúinn; rugadh Anne sa bhliain 1826. Féach na sonraí i dtaobh a breithe i nóta 1408 thuas.

<sup>2222</sup> Baisteadh Mary Elizabeth O'Carolan uirthi, ach is dóigh go mbíodh Eliza Maria O'Carolan uirthi fosta, nó is é sin an t-ainm atá ar a teastas báis (*OAC*, Cláruimhir: 1877, Ráithe 1, Iml. 2, lch 80). Eliza Maria O'Carolan, a fuair bás ar an gCarraig Fhinn, an 20 Feabhra 1877. Deirtear gur 'Daughter of a Schoolmaster' í agus go raibh sí 14 bliana d'aois, ach ní raibh sí ach 12 bhliain 7 mí d'aois. Sin an fáth nach raibh cuimhne ag éinne uirthi san 20ú hAois, nuair a chuaigh Séamus P. Ó Mórdha a lorg eolais faoin teaghlach. Ní heol dom go raibh páistí eile ag Anne agus Cathal ach an ceathrar a luaigh mé cheana; féach an tagairt i nóta 2219 thuas.

<sup>2223</sup> Charles O'Carolan, máistir scoile, baintreach fíor, a fuair bás ar an gCarraig Fhinn an 10 Meitheamh 1879, in aois a 70 bliain. 'Old Age, uncertified' a thug a bhás. Chláraigh Charles O'Carolan, a mhac, an teastas; féach *OAC*, Cláruimhir: 6523292. Níl a fhios agam cá bhfuarthas 1881 mar dháta báis (féach nóta 2219 thuas), agus más tomhas é, ní gearánta dúinn é. Is fiú a lua go bhfuil traidisiún eile luaite in Beckett (1987: 25 n.65) gur mhair Anne Cathal, ach is soiléir ó na taifid chomhaimseartha atá againn gur dhearmad sin don té a dúirt. Léiriú maith ar an dóigh a mbíonn eachtraí curtha as a n-ord ceart i gcuimhní cinn, agus go gcaithfear traidisiúin bhéaloidis den sórt seo a thomhas agus a chur i gcomórtas le taifid scríofa i gcinnteacht, más féidir.

**ARÉ 24P7 (95).** Cuid di. ‘Comhradh an Duine agus an Bháis’, búrdúin agus dánfhocail, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, laoithe fiannaíochta, dán le Michael Carolan. An Sráidbhaile [= Dún Dealgan], An Lú 1807-8.<sup>2224</sup>

Is i nDún Dealgan a bhí Éadbhard Ó Cearbhalláin ag cur faoi idir na blianta 1807 agus 1808, nuair a scríobh sé an t-aon lámhscríbhinn dá chuid atá againn go fóill, ARÉ 24P7 (95), lámhscríbhinn ina bhfuil cóip de théacs uathúil le Michael Carolan (*q.v.*). Is cosúil gur aistrigh Éadbhard go Co. na Mí go gairid ina dhiaidh sin—am éigin idir sin agus 1824, mar a fheicfear ar ball beag—áit a raibh Michael socraithe chomh luath leis an 13 Bealtaine 1807.<sup>2225</sup> Is beag eile atá ar eolas faoi Éadbhard ach gur mháistir scoile é: ‘Maighistir sgoile, oide múinte Gáoidheilge, agus duine eólach glic’ dar leasainm ‘An Turcach’ a bhí ann, de réir an dáin, *A Thurcaigh Mhóir nach éadrom ceann*,<sup>2226</sup> a chum Art Mór Ó Murchadha (*q.v.*) air. Mínítear fáth a chumtha go maith sa réamhrá atá leis an dán in ARÉ 23B19 (495). Baineadh an leagan thíos as Duffy (1987: 255-6),

Rann a sgríobhadh i litir leis a tSaoi eolach foghlamtha Art Mor O Murcha Chaislean Thalmhan Dídein Bhailethomais, chuige Eadbhart Ua Cearbhallan air bhforainm Turcach, maighistir sgoile, oide múinte Gaidheilge, is duine eolach glic. Iar cclosain gur cáin an Turcach an duine uasal ceadna.

A Thurcaigh mhóir nach eadtrom ceand  
Nach mbídhionn air beanna f’am nuadh rae  
Nach tusa oram do chuir gráin  
Gan fios mo tháin no cia me.

<sup>2224</sup> Maidir leis an Sráidbhaile, is féidir gur cuireadh an log sin le cuid de na colafoin; féach ARÉ 24P7 (95), lch 265, mar shampla, áit ar chuir duine eile ‘Dundalk ...’ le colafon ina luaitear Michael Carolan (*q.v.*) mar údar aistriúcháin, *Bhí an Eaglais anois ’ráidh an chulaith chumhaidh a dhéanamh*. Ní ceist dúinn go bhfuil an tagairt don Sráidbhaile sa cholafon ar lch 262 bailí agus i lámh Éadbhaird Uí Chearbhalláin, ‘Finis. January 21<sup>st</sup>, 1808 by Edw<sup>d</sup> Carolan, Dundalk’.

<sup>2225</sup> Shínigh Michael Carolan OEG H9, lch 75, ‘Michael Carolan, Barlyhill, dated this 13<sup>th</sup> day May 1807’; shínigh Éadbhard Ó Cearbhalláin lch 135, ‘Edward Carolan, Dundalk’. Féach nóta 882 nó 3314.

<sup>2226</sup> ARÉ 23B19 (495), lch 118. Tá an dán i gcló in Duffy (1987: 255-6).

Mise Murcha do threibh na Saoí  
Bhí a nEamhuin aoibhinn seal í ccéim  
Nach leigeann leatsa a Dhaoí na Locht  
Is chuirfeas tocht ar do réim.

Ach mas meisge rug ort buaint rem chliú  
's nar bhfiú liom búaint leat  
Maitheam dhuit acht munab e  
Cuirfead féin do chiall as riocht.

Is féidir, ámh, nach raibh aithne cheart acu ar a chéile. Deirtear i miontuairiscí an *Irish Society* go raibh ceist a fhostaithe mar mháistir scoile leis an gcumann le cur ar athlá ag cruinniú an 20 Feabhra 1824. Cheangail de Brún (2009: 168) é leis an E—— C—— a ndéantar trácht air i dtuairisc de chuid an *Irish Society* dar dáta an 12 Meitheamh 1824, scoláire a d'fhógair é féin go poiblí mar mháistir de chuid an chumainn thart faoin am sin, sula bhfuair sé faomhadh oifigiúil uathu. Ó tharla gur scríobh T[homas] R[ussell], cigire scoileanna Cho. na Mí, an tuairisc sin, is dóigh go raibh cónaí ar Éadbhard i gCo. na Mí an bhliain sin. Bhí cónaí ar Michael Carolan sa Chaisleán Nua i bparóiste Mhaigh nEalta in 1824 (de Brún 2009: 169), ach ní fios cá háit go díreach a raibh Éadbhard ag teagasc an bhliain sin. Luaitear a ainm uair amháin sna rollaí pá, nuair a tugadh 15/- dó ar an 20 Lúnasa 1824, agus téann sé ó thuairisc go hiomlán i ndiaidh an dáta sin. Ní heol dom go raibh páirt ag Éadbhard le Edmond Carrollan (*q.v.*), scríobhaí eile ón gceantar, a bhí ag grafadh lámhscríbhinní sa bhliain 1765.

*Liosta sealadach lámhscríbhinní—féach nóta 2227.*

<sup>2227</sup> Bhí an-chuid deacrachtaí agam leis an liosta lámhscríbhinní a thugtar anseo a shocrú, mar gheall ar na stíleanna éagsúla peannaireachta a d'úsáid Nioclás Ó Cearnaigh i rith a shaoil. De bhreis ar an méid seo, ba nós dá chuid a ainm a chur amanna le lámhscríbhinní a ghráf daoine eile (b'fhéidir), agus níor thaise do chuid eile de lucht scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha—Matha Mórdha Ó Graeme ach go háirithe. Rinne Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme, mar is eol do chách, cuid mhaith oibre i bpáirt lena chéile idir c.1832 agus c.1835, agus is doiligh, amanna, stíleanna peannaireachta na beirte a dhealú óna chéile. Is eol dúinn, mar shampla, gur ghlán Matha Mórdha Ó Graeme ainm Niocláis de lámhscríbhinn amháin a ghráf Nioclás ar a shon (SPAM [1], 1834-5); agus diomaite de gur scríobh Matha Mórdha Ó Graeme an t-aon cholafon amháin atá in COBÁC M17, an chéad imleabhar de na *Bardic Remains of Louth*, déanann Ó Buachalla (1965: 148-50) amach gur i lámh Niocláis Uí Chearnaigh atá an chuid is mó den ábhar Gaeilge agus Béarla sa lámhscríbhinn sin. Ar an ábhar sin, níl sna liostaí lámhscríbhinní a thugtar anseo, agus sa chuntas ar Mhatha Mórdha Ó Graeme i gCaib. 2.173, ach liostaí sealadacha a gcaithfear athscrúdú a dhéanamh ó bhonn orthu. Féach fosta na nótaí ar Phádraig Ó Gallóglaiigh i gCaib. 2.170.

<sup>2228</sup> Is fiú beagán a rá i dtaobh an dáta báis seo. Tá a fhios againn go raibh Nioclás Ó Cearnaigh ina bheatha sa bhliain 1862: chríochnaigh sé i rith na bliana sin cóip de 'Imtheacht na nIarlaí' ar chuir Seán Ó Donnabháin tús léi, agus tugann Nioclás an 18 Bealtaine 1862 mar dháta scríofa ag deireadh na lámhscríbhinne (Aidhleart 1928: 51). Cuireadh é ag obair ina dhiaidh sin ar aistriúchán Béarla de 'Eochairsgiath an Aifrinn' a réiteach don Keating Society. Déantar plé ar an gcumann seo in Ó Macháin (2011), agus tugtar le fios san alt sin gur díoladh £4 le Nioclás Ó Cearnaigh as an obair sin a dhéanamh, ar an 10 Nollaig 1862 (Ó Macháin 2011: 178). Nuair nach raibh lucht an chumainn sásta leis an leagan Gaeilge de 'Eochairsgiath an Aifrinn' a sholáthair Seán Ó Dálaigh, chuir siad Nioclás Ó Cearnaigh ag obair ar an leagan Gaeilge de. Ar an 23 Meitheamh 1863, scríobh William Williams an nóta seo, rud atá i bprionta in Ó Macháin (2011: 175-6),

O'Kearney was accordingly set [to] work, and has already made such progress, as that he is confident, with his present start, to be able to feed the press.

An lámhscríbhinn a sholáthair sé, LN G708, tugtar inti leathanach teidil sealadach an tsaothair, áit a dtugtar le fios go raibh sé beartaithe acu an uair sin go bhfoilseodh John Fowler an leabhar sa bhliain 1864. Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, go ndearna Nioclás Ó Cearnaigh aon obair sa bhliain sin, ach amháin go raibh lucht an Keating Society ag súil leis go gcuirfí an saothar amach am éigin i rith na bliana 1864.

Cé gur tuairimíodh i bhfoinsí éagsúla go bhfuair Nioclás Ó Cearnaigh bás sna blianta 1874, 1877, nó chomh mall le 1892—féach Mac Cnámhsí (1968: 233-4, 237); d'aimsigh Duffy (1989: 96) tagairt i gcnuasach leabhar Aibhistín Mhic Amhlaigh nach maireann, nóta gairid a thaispeánann gur dóigh go raibh Nioclás Ó Cearnaigh marbh faoin am ar priontáladh an leabhar a scríobh R. R. Madden ar a chuid tairngreachtaí, *Exposure of Literary Frauds and Forgeries Concocted in Ireland: Spurious Predictions Designated Prophecies of St. Columbkille, etc. etc. etc.* (1866). Bhí an nóta sin istigh leis an gcóip de leabhar tairngreachtaí Niocláis Uí Chearnaigh—O'Kearney (1856)—a bhíodh i gcnuasach Aibhistín Mhic Amhlaigh. Ghreamaigh duine éigin den taobh istigh den chlúdach gearrthóga ó na páipéir nuachta i dtaobh na dtairngreachtaí sin. Taobh le gearrthóg amháin, litir a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh chuig eagarthóir an *Catholic Weekly Telegraph* inar bhagair sé go rachadh sé chun dlí dá bhfoilseofaí a thuilleadh ábhair i dtaobh na dtairngreachtaí, scríobh an té a choinnigh na gearrthóga sin: 'For a time this letter did stop the thugs (?), &c., but after O'Kearney's death this book was heavily attacked by R. R. Madden &c.'

De bhreis ar an méid sin, táthar ar an eolas gur luaigh O'Donovan Rossa ina dhírbeathaisnéis gur rug bleachtairí leo óna theach féin mórán de pháipéir Niocláis Uí Chearnaigh, 'a Gaelic scholar, lately deceased'. Féach O'Casaide (1920: 64). Gabhadh O'Donovan Rossa ar an 15 Meán Fómhair 1865, agus tá tagairtí feicthe agam féin sa *Londonderry Standard*, an 3 Eanáir 1866, agus sa *Westmeath Independent*, an 13 Eanáir 1866, a dhéanann trácht ar an 'late Nicholas O'Kearney'. Déantar tagairtí eile den sórt sin do Nioclás Ó Cearnaigh a bheith marbh i bpáipéir eile i rith na bliana sin—féach, mar shampla, an *Dublin Weekly Nation*, an 17 Samhain 1866. Is dóigh gur féidir glacadh leis, mar sin, go bhfuair Nioclás Ó Cearnaigh bás am éigin idir an 23 Meitheamh 1863, agus an 15 Meán Fómhair 1865.

**ARÉ 23A37 (218).** Cuid di.<sup>2229</sup> Leabhar urnaithe. Dún Dealgan, An Lú 1841.  
[? Do *Mhatha Mórdha Ó Graeme*].

**ARÉ 23M2 (330).**\*<sup>2230</sup> Laoithe fiannaíochta. *Marc uisce*: 1849.

**ARÉ 23A31 (364).**† ‘Exposition of the Lord’s Prayer. In Four Parts’, Cuid 4.

**ARÉ 23I33 (418).**† ‘Exposition of the Lord’s Prayer. In Four Parts’, Cuid 2.  
*Marc uisce*: 1840.

**ARÉ 23E3 (523).**\* ‘Nuairdhubhadh Oiliolla Oluim’ (agus leagan Béarla),  
‘Cath Críonna’, ‘Cath Cnucha’, ‘Oileamhain Chú Chulainn mhic Subhaltaigh’  
(agus leagan Béarla), ‘Oidhe Chonnlaoidh mhic Chú Chulainn’, ‘Comhrac  
Fhirdhia mhic Dubháin agus Chú Chulainn’.

**ARÉ 23E4 (524).**\* Tráchtas Béarla ar Chath Chluain Tairbh, ‘Cath Chluana  
Tairbh’, ‘An Leabhar Oiris’, ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’,  
‘Ionnsóige Mhaighe Léana’, ‘Cath Mhaighe Mucraimhe’, aistriúcháin  
Bhéarla. 1847.

**ARÉ 23E5 (525).**\* Cuid di. Tráchtas Béarla ar Chath Chluain Tairbh,  
aistriúchán Béarla ar ‘Cath Chluana Tairbh’. 1850.

**ARÉ 23E11 (528).**\* Tráchtas pholaitiúla (i mBéarla), aistriúchán Béarla ar  
dhán le Fear Flatha Ó Gnímh, beathaisnéisí ar Fhear Flatha Ó Gnímh agus ar  
Pheadar Ó Doirín, ‘Imtheacht na Tromdháimhe’, ‘Táin Bó Cuailnge’,  
‘Oidhe Chloinne Lir’, ‘Eachtra Thoroilbh mhic Stairn’, ‘Eachtra agus  
Imtheacht Chróchain, Sail agus Dáithlind, Triúr Mac Thoroilbh mhic Stairn’,  
laoi fiannaíochta, ‘Feis Tighe Chonáin Chinn tSléibhe’ (agus leagan Béarla),  
‘Tóraidheacht Shaidhbhe Inghean Eoghain Óig’, ‘Agallamh na Seanórach’,  
‘Tóraidheacht Dhiarmada agus Ghráinne’. 1850.

---

<sup>2229</sup> Féach nóta 2966.

<sup>2230</sup> Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 912, gur scríobh sé an lámhscríbhinn uilig, ach is léir nár bhreac sé ach a bhfuil inti ó lch 101 ar aghaidh.

**ARÉ 23N33 (565).**\* Ginealach Shomhairle Mhic Dhomhnaill, dánta le Séamus Mac Cuarta, Piaras Feirtéir, Art Mór Ó Murchadha, Pádraig Mac a Liondain, Fearghus Mac Bheatha, [Eoghan Ó Donnghaile], Peadar Ó Doirnín, Séamus Mhac Giolla Choille, Aonghus na nAor Ó Dálaigh, Giolla Chaoimhghin [Ó Cuirnín], Giolla Modubhda [Ó Caiside], Giolla Brighde Ó hEodhasa, Baothghalach Dubh Mac Aodhagáin, Seaghan Ó Gadhra, Cormac Mac Parthaláin, Feidhlime Ó Ruairc, [Aodh] Mac Gabhráin, Philip Ministéir, Feidhlime Buidhe Mac Guáin [? Mac Comhdháin], Giolla Íosa Ruadh, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, Dáibhí Ó Bruadair, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, tráchtas Laidine dar teideal *Antiquitates Hibernicae*, dánta naomhsheanchais, ‘Craobhsgaoileadh Gearr ar Mhaicne Míleadh’, laoithe fiannaíochta, ‘Marbhnaoi Choinn Chéadchathaigh’, tráchtas ar Naomh Colum Cille, ‘Marbhnaoi Sheaghain Uí Bhriain’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Oiris Oirdhearca Tíre Conaill de réir Annálach Sheáin Uí Neachtain’, ‘Ortha Mhuire’. 1851.

**ARÉ 23O47 (569).** Blogh di. Aistriúcháin ar amhráin Bhéarla, dánta le Séamus Mhac Giolla Choille, Art Mór Ó Murchadha, [Nioclás Ó Cearnaigh], aistriúcháin le Matha Mórdha Ó Graeme ar amhráin Ghaeilge.

**ARÉ 23H34 (718).** Blogh di. Dánta agus amhráin le Peadar Ó Doirnín, Éadbhard Breathnach, ‘Cainích (?) Ua Boigeadh’, Donnchadh Caoch Ó Mathghamhna, amhráin.

**ARÉ 24G8 (749).** Graiméar Gaeilge le [Tuileagna] Ó Maoil Chonaire, cúpla prosóid. **1840:**—Dún Dealgan, An Lú; **1841:**—Droichead Átha; **1849:**—Baile Átha Cliath. 1840-1, 1849.



**ARÉ 23E12 (769).** Dánta le hAimhirghin, Lughadh, Feircheirtne, nóta ar na Tuatha Dé Danann, dánta agus amhráin, cuid acu le ——— O’Carroll, Uilliam Dall Ó hIfearnáin, Séamus Mac Cuarta, [Richard] McNally & ——— Fergus, Seán Clárach Mac Domhnaill, Pól Ó Briain, Nioclás Ó Cearnaigh, Seán Ó Neachtain, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Ó Cearbhaill (‘Padhra an Bhainne’), Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Art Mac Cumhaigh, Pádraig Ó Briain, Pádraig Mac a Liondain, Séamus Ó Murchadha, Uilliam Mac Giolla Chiaráin, Naos Mac Gabhann, Diarmaid Ruadh Ó Muireadhaigh, Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin, Niall Mac Cana, Uilliam Ó Briain, Uilliam Ó Mughróin, Donnchadh Ruadh Mac Con Mara, Séathrún Céitinn, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Cathaoir Mac Cába, an Mangaire Sógach, Tomás Ó Miadhacháin, Séamus Ó Dálaigh, Aodh Buidhe Mac Cruitín, Aodhagán Ó Rathaille, Mícheál an Fhásaigh, Séamus Ó Caoindealbháin, Uilliam Ó Gallóglaigh, Muiris mac Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt, Séamus Mac Gearailt, Domhnall Mac Cinnéide, Feidhlime Mac Carrtha, Nioclás Ó Domhnaill, Ó Donnchadha an Ghleanna, Seághan Ó Tuama, ——— Ó Giaráin, Seaghan na Féile, Pádraig Ó Briain, an tÚcaire Mac Ardghail, Darby Ryan, Brian Ó Tomaltaigh, Aodh Mhac Domhnaill [2], Máire Ruadh Ní Ifearnáin, Séamus Mac Consaidín, Uilliam Mac Cartáin an Dúna, Uilliam Ruadh Mac Coitir, Éamonn de Bhál, Seán Ó Murchadha na Ráithíneach, Pádraig Ó Cathaláin, Seán Buidhe Ó Cathaláin, Brian Ballach Ó Néill, Muiris Ó Mocháin, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Riocard Bairéad, ——— Mac Suibhne, Séamus de Nógla, Ciothruadh Ó Duibhgeannáin, Proinsias Ó Beirne, Séamus Cróin Ó Domhnaill, Domhnall Ó Congail,

Fiachra Mhac Bhrádaigh, aistriúcháin ar dhánta Burns, aistriúchán le James Clarence Mangan ar dhán. Baile Átha Cliath 1846.<sup>2231</sup>

**ARÉ 24L25 (818).** Formhór di.<sup>2232</sup> Beathaisnéis ar Pheadar Ó Doirnín, dánta agus amhráin le Peadar Ó Doirnín [agus le Nioclás Ó Cearnaigh], aistriúcháin Bhéarla, dánta le Séamus Mac Cuarta, ‘Mac na Míchomhairle’, na litreacha oghaim. [c.1832-5. ? Do *Mhatha Mórdha Ó Graeme*].<sup>2233</sup>

**ARÉ 12B<sup>1</sup>5 (899).** Aistriúchán Béarla ar bheatha Naomh Pól, dánta le [Nioclás Ó Cearnaigh], Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, [Peadar Ó Doirnín], Art Mór Ó Murchadha, [Séamus Mac Cuarta], Art Mac Cumhaigh, [Toirdhealbhadh] Ó Cearbhalláin, Séamus Mhac Giolla Choille, ainmneacha litreacha. Dún Dealgan, An Lú 1840-1. Don Dr *Brian Ó Rodaigh*.

**ARÉ 12E24 (907).** Blogh dí. Aistriúchán ar théacs clasaiceach.

**ARÉ 23B11 (914).** ‘Exposition of the Lord’s Prayer. In Four Parts’, Cuid 1.

**ARÉ 23B6 (915).**\* ‘Exposition of the Lord’s Prayer. In Four Parts’, Codanna 1-3.

**ARÉ 23G45 (920).**\* ‘Cath Fhochairte Bhrighite’.

**ARÉ 12B<sup>2</sup>12 (1025).**<sup>2234</sup> Aistriúcháin le Matha Mórdha Ó Graeme. 1834.

**ARÉ 24E21 (1058).**\* Autograif, dán le Fear Flatha Ó Gnímh.

---

<sup>2231</sup> Lch 258.

<sup>2232</sup> Is dóigh liom gur scríobh Nioclás Ó Cearnaigh an t-ábhar Gaeilge uilig, agus formhór mór an ábhair Bhéarla fosta. Is é rud atá in ARÉ 24L25 (818), mar a thugtar le fios ar an leathanach teidil, leabhar coiteann ina bhfuil cuid mhaith dréachtaí garbha den ábhar a bhailigh Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme faoi choinne na *Bardic Remains of Louth*. Tugtar cuid mhaith den ábhar céanna, agus athruithe beaga déanta air, in COBÁC M17. Bheadh tuairim agam, ar an ábhar sin, gur scríobh Nioclás Ó Cearnaigh an lámhscríbhinn do Mhatha Mórdha Ó Graeme, a scríobh ceartúcháin bheaga isteach sa leabhar i gcúpla áit (lgh 77, 130, srl., srl.), agus d’fhág sé an nóta seo againn ar lch 77, ‘After this should follow the congratulation of the chief to the conquerors on gaining the battle. I know you have it—M. M. G. to N. K.’ Más fíor sin, ba le Nioclás Ó Cearnaigh an lámhscríbhinn lá den saol, b’fhéidir; nó féach an nóta a d’fhág sé againn ar lch 111, ‘N. Kearney’s book’. Scriosadh ainm Mhatha den leathanach teidil, áit a bhfuil fuíollacha beaga den ainm ‘Augustus ... Graham’ fós inléite.

<sup>2233</sup> Féach nóta 2232.

<sup>2234</sup> Féach an colafon ar lch 175.

**ARÉ 3C8(3-4, 6, 10) (1096).**\* Formhór díobh. Nótaí gramadaí, blogh de dhréacht de na tairngreachtaí, aistriúcháin ar dhánta Burns, graiméar comparáideach (Breatnais agus Gaeilge).

**ARÉ 12O7 (1258).**† Blogh di.<sup>2235</sup> Aistriúchán Gaeilge ar dhán le Burns.

**ARÉ 24E20 (1262).** Formhór di. Litreacha ó Nioclás Ó Cearnaigh i dtaobh cúrsaí béaloidis agus miotaiseolaíochta (sleachta fada Gaeilge iontu) Baile Átha Cliath 1848-9. Chuig *William Hackett*.

**COBÁC M1.** Cuid di. ‘Fís Mherlino’, ‘Bruidhean Eochaidh Bhéildeirg’, dán le hArt Mór Ó Murchadha.

**COBÁC M2.\*** Cuid di. Iomann Féicc, agus tiontú Nua-Ghaeilge [le Ristead Pluincéad].

**COBÁC M3.** Cuid de Theagasc Críostaí, Teagasc Críostaí Bhonabhentura Uí Eodhasa, urnaithe, iomann, tráchtas ar na Deich nAitheanta, agus ar na Seacht bPeaca Mharfa.

**COBÁC M5.\***<sup>2236</sup> Blogh di. Dán le hArt Mór Ó Murchadha.

**COBÁC M6.\***<sup>2237</sup> Cuid di. Laoithe fiannaíochta, dán le Pól Ó Briain. 1823.

**COBÁC M17.\*** Formhór di. An chéad imleabhar de na *Bardic Remains of Louth*: dánta le Peadar Ó Doirnín [agus le Nioclás Ó Cearnaigh. Dún Dealgan c.1834].

**COC T<sup>1</sup>59(2) (59).** Dán le Pádraig Mac a Liondain. [Chuig *Seán Ó Dálaigh*].

**LN G200 (b).** Blogh di. Nath cainte.

---

<sup>2235</sup> Lgh 51-2.

<sup>2236</sup> Féach Ó Muirgheasa (1905a: 755 col. a).

<sup>2237</sup> Is doiligh a bheith cinnte gur scríobh Nioclás Ó Cearnaigh an méid den lámhscríbhinn nach bhfuil i lámh Airt Mhóir Uí Mhurchadha, ach leanaim catalóg Uí Mhuirgheasa (1905a: 755 col. a) sa mhéid sin, agus an nóta a scríobh Énrí Ó Muirgheasa ar fhordhuilleog COBÁC M6. Féach an cuntas ar Art Mór Ó Murchadha i gCaib. 2.195, nóta 3341 ach go mórmhór.

**LN G389(67-78).** Blogh di. Litreacha, dánta le Peadar Ó Doirnín. Lána an tSéipéil, Sr. na Danmhairge, Baile Átha Cliath 1844-5. Chuiġ *Seán Ó Dálaigh*.

**LN G545.** Dán le Nioclás Ó Cearnaigh (ar an nGorta Mór).

**LN G708.** Formhór di. Dréacht de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’. [c.1863–c.1864. Don *Keating Society*].

**MN LM1.**<sup>2238</sup> Formhór di. Tairngreachtaí Mhaoltamhlachta, Ultain (Easpag Ard Breacáin), Sheanáin, Choirill mhic Cronáin, Naomh Bearcán, Choluim Cille, agus bloghanna fáin. 1848-9, [1851].<sup>2239</sup>

**SPAM [1].**<sup>2240</sup> ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Bruidhean Chéise Corainn’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’. 1834-5. [Do *Mhatha Mórdha Ó Graeme*].

Duine de na scoláirí Gaeilge is spéisiúla agus is conspóidí dá raibh ann riamh, tá plé iontach mionsonraithe déanta ag Seán Duffy ar Nioclás Ó Cearnaigh in Duffy (1989), agus in Ó Dufaigh & Ó Doibhlin (1989), áit ar cuireadh in eagar fosta cuid mhaith den fhilíocht a cheap Nioclás Ó Cearnaigh i rith a shaoil, agus an chuid is mó di

---

<sup>2238</sup> Tá plé ar ábhar na lámhscríbhinne seo in Ó Muirí (1969), alt ar chóir é a léamh taobh leis an gcuntas catalóige san *M.N. Cat.*, vii, 13-14. Sílim gur cheart don Mhoins. Ó Fiannachta a áiteamh (ar údarás Uí Mhuirí (1969: 128)) gur scríobh Nioclás Ó Cearnaigh an t-iomlán, ach na breiseanna ar an bhfordhuilleog agus ar lgh 47, 89, *M.N. Cat.*, vii, 13-14, atá i bpeannaireacht Bhriain Uí Thomaltaigh. Féach an cuntas ar Bhrian i gCaib. 2.222 maidir le hábhar na mbreiseanna, agus an dóigh a ndearnadh a n-ionchorprú i dtéacs clóite Uí Chearnaigh, na *Prophecies* (O’Kearney 1856). Maidir leis an dáta 1848-9, diomaite de gurb é seo an t-aon dáta scríofa ‘Anno 1848-9’ (lch 58n.) a thugtar sa lámhscríbhinn, is dóigh go raibh Nioclás ag gabháil de bhreiseanna agus de cheartúcháin a chur léi chomh mall le 1851, óir deir sé i nóta tráchta ar lch 3 i dtaobh ‘Tairngire Dhomhnaill Chaim’, ‘The following curious prophecy found in an old M.S. ... The manuscript ... was written in the year 1712, and was an Irish Miscellany, or “Bolġ an tSalair.” There was no author’s name prefixed to the piece. Since writing the above it has been ascertained that the prophecy was known as “Tarngaire Dhomhnaill Caim the Prophecy of Donall the Crooked” an eccentric character who frequented Balina Tyrawley and the neighbouring districts about 80 years ago. It was generally supposed that he was the author of the predictions, but this was erroneous as the copy whence the transcript was made was written 59 years before Donall is said to have flourished’ (Ó Muirí 1969: 128). Fágann sin gur scríobhadh an chuid deiridh den nóta seo sa bhliain 1851.

<sup>2239</sup> Féach nóta 2238 thuas maidir le nóta amháin i láimh Niocláis dar dáta 1851 ar lch 3 sa lámhscríbhinn.

<sup>2240</sup> Féach nóta 154 thuas. Níl d’eolas agam i dtaobh ábhar na lámhscríbhinne seo ach na nótaí a thug Duffy (1988: 352); féach nóta 2972. Bhí litreacha istigh leis an lámhscríbhinn fosta.

curtha i mbéil filí eile aige. Ar an ábhar nach dtig liom rud ar bith fiúntach a chur le cuntais Sheáin Duffy, ní fiú liom beathaisnéis a sholáthar anseo. Déantar plé ar Nioclás Ó Cearnaigh, ar ghnéithe eile dá chuid oibre, agus ar *disciples* Airt Mhóir Uí Mhurchadha (*q.v.*) in Ó Buachalla (1965: 124-6, 139-54), Mac Cnáimhsí (1968), agus in Duffy (1987; 1988; 1988*a*).

### 2.131. Philip Ó Ciarbhalláin, *fl.*1675

**MN B7.** Formhór di.<sup>2241</sup> ‘Eochairsgiath an Aifrinn’. 1675.

Ba é an léirmheastóir anaithnid (Anon. 1970: 441) a scríobh cuntas ar fhascúl de chatalóg lámhscríbhinní Mhaigh Nuad a thuairimigh den chéad uair, go bhfios dom, gur lámhscríbhinn de chuid Cho. Dhoire í MN B7, agus sin bunaithe, is dócha, ar shloinnte an scríobhaí agus na léitheoirí eile a bhreac a n-ainmneacha uirthi.<sup>2242</sup> Ní féidir a bheith deimhnitheach faoi sin, ámh, ach is féidir a bheith cinnte gur scríobhaí de chuid an Tuaiscirt é Philip; agus thug Ó Fiannachta (1961-3: 196) faoi deara go bhfuil cosúlachtaí idir an chóip de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ atá sa lámhscríbhinn seo agus í siúd atá in LB Eg. 189, a scríobh Maghnus Mac Amhlaoibh (*q.v.*) [? ó Cho. Fhear Manach] sa bhliain 1658.

### 2.132. Toirdhealbhadh Ó Cilleáin

**LN G461.** Cuid di. Laoi fiannaíochta.

---

<sup>2241</sup> An t-iomlán ach an rann ar lch 88. Ghraf an tAth. Séamus Ó Scealláin (*q.v.*) é sa bhliain 1734.

<sup>2242</sup> Luadh an lámhscríbhinn sa trácht a rinne Ó Maitiú (2013: 50) ar scríobhaithe Cho. Dhoire agus Cho. Thír Eoghain, ach ní luann Ó Baoill (2007) an scríobhaí faoi cheann ar bith den dá chontae sin. Tá na hainmneacha seo a leanas sa lámhscríbhinn: ‘Godfridus O’Keane’, ‘lebhhar ann Athar Seadhmuís Uí Scullin’ (James Ó Scullin, 1734), ‘Tairdhealbhadh Oag Ua Dithmon’ [= Ó Diamáin, ‘Diamond’]. Gheofar cuntas níos iomláine orthu san *M.N. Cat.*, iv, 124-5. Chuir an tAth. Séamus Ó Scealláin (*q.v.*) rann le lch 88.

Dhealródh sé gur grafadh an lámhscríbhinn seo sa chéad leath den 18ú hAois i mBaile Átha Cliath, nó gur bhain sí an baile amach go gairid ina dhiaidh sin, toisc go bhfuil an t-ainm Risteard Tuibear (*q.v.*), mar aon le Matha Ó Caneile éigin, luaite sna cuntais atá inti i gcúpla áit.<sup>2243</sup> Is beag atá idir peannaireacht Risteard Tuibear agus Thoirdealbhaigh,<sup>2244</sup> agus is féidir go raibh Toirdhealbhadh ag grafadh faoina stiúir.

### 2.133. Artúr Ó Cléirceáin

[Arthurum Clark]<sup>2245</sup>

**ARÉ 23A25 (628).** Formhór di.<sup>2246</sup> ‘Eachtra agus Imtheacht an Mhadra Mhaoil’, dán le Seán Ó Neachtain, ‘Tóraidheacht Fiacaíl Ríogh Gréag’,<sup>2247</sup> ‘Eachtra agus Imtheacht Chloinne Ríogh na hIoruidhe’ (formhór di), ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’ (cuid di). Dó féin.<sup>2248</sup>

Ní luaitear dáta ar na codanna den lámhscríbhinn seo a ghráf Artúr Ó Cléirceáin, ach dhealródh sé, ar an bpeannaireacht, srl., gur breacadh sa chéad leath den 18ú hAois iad.<sup>2249</sup> Rinne Séamus Mhac Thighearnáin (*q.v.*) bloghanna den bhunscríbhinn a athnuachan sa bhliain 1770, agus chuir sé téacs léi in 1780. D’fhéadfaí Artúr a

<sup>2243</sup> Féach an *N.L.I. Cat.*, x, 53.

<sup>2244</sup> Níor ghráf an duine céanna iad. Féach an dóigh a scríobhann an bheirt acu an *ea*-nasclitir.

<sup>2245</sup> Chuir sé a ainm, Arthurum Clark, le nóta Laidine ag bun lch 70.

<sup>2246</sup> Tá dul amú ar a bhfuil scríofa san *R.I.A. Cat.*, 1973-4, óir is ríshoiléir nach ‘cnuasleabhar’ í ARÉ 23A25 (628). Ghráf Artúr Ó Cléirceáin an chuid is mó di san 18ú hAois, agus dheisigh Séamus Mhac Thighearnáin codanna di a bhí dreoite sa bhliain 1770. Féach an colafon a scríobh sé ar lch 356a, áit a n-iarrann sé orainn guí ar son Mhuircheartaigh Mhic an Bhaird. Ní fios cérbh é Muircheartach. Is mar gheall air sin atá uimhriú na leathanach as riocht go mór. Tugtar an cuntas seo san *R.I.A. Cat.*, 1973, Present pagination (partly in pencil) runs 3-89, 80a-89a, 90-180, 183-220, 222-358, 358, 359, 340a-358a, 368-485. The original numbering was by gatherings ...

Ceapaim go bhfuil lgh 82, 356-9, 340a-358a, 437, 472-85, i bpeannaireacht Shéamuis Mhic Thighearnáin, agus go ndearna sé ceartúchán beag ar lch 261. Obair dheisithe atá ann den chuid is mó, ach is breiseanna déanacha a bhfuil ar lgh 82, 358a, 437, agus tá an dáta 1780 le lch 358a, mar aon le nótaí i bpeannaireacht Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh (*q.v.*). Chuir léitheoirí eile nótaí, srl., leis an lámhscríbhinn fosta.

<sup>2247</sup> An teideal a thugtar ar ‘Eachtra Iollainn Airmdeheirg’ i gcúpla lámhscríbhinn de chuid an Tuaiscirt.

<sup>2248</sup> Féach an colafon ar lch 180, a bhfuil cóip de i gCaib. 1.2.1, colafon 31.

<sup>2249</sup> Tá cosúlachtaí láidre idir an lámh seo agus peannaireacht mórán scríobhaithe eile ó Cho. na Mí a bhí beo sa chéad leath den 18ú hAois, Pádraig Ó Doibhlin is Seon Mhac Solaidh, srl., ach is gairbhe i bhfad í peannaireacht Artúir.

cheangal leis an gcléireach ‘Artúr Cliarcán’ dár scríobh Séamus Mac Cuarta an dán *A phlanda chnú na nGael fial*.<sup>2250</sup> Is eol dúinn go raibh ARÉ 23A25 (628) i gcnuasach Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh (*q.v.*) i gCo. na Mí sa chéad leath den 19ú hAois,<sup>2251</sup> agus is léir ó cholafon amháin sa lámhscríbhinn go raibh Artúr an scríobhaí eolach ar an Laidin, nó go raibh spéis aige inti, ar a laghad. Tugann tras-scríbhinní Shéamuis Mhic an Ultaigh<sup>2252</sup> agus Sheorsa Mhic Conraoi (*qq.v.*)<sup>2253</sup> den dán an log Cill Bhearraigh, paróiste i mbarúntacht Mhachaire Gaileang, Co. na Mí, mar ionad cónaithe an chléirigh seo i dteideal an dáin. Theip orm, áfach, tagairt a fháil dó in Cogan (1862; 1867; 1870). Is beag aird a thugtar sa leabhar sin ar shagairt chúnta, áfach, nó dhealródh sé gur beag eolas a bhí ar fáil ina dtaobh don tréimhse seo, agus níl an t-eolas atá againn ar chléirigh Dheoise na Mí san 18ú hAois gar do bheith iomlán. An méid sin ráite, ní fios dom cá bhfuair an bheirt scríobhaithe sin an t-ionad cónaithe Cill Bhearraigh, óir ní heol dom é a bheith luaite in aon chóip eile den dán a chonaic mé go dtí seo, ach ó tharla gur grafadh príomhchuid lámhscríbhinn Shéamuis Mhic an Ultaigh, ARÉ 12E25 (908), in oirthear Cho. na Mí sa bhliain 1772, agus gur grafadh leabhar Sheorsa Mhic Conraoi, COBÁC C8, sa bhliain 1773, is maith an t-údarás iad. Is féidir, ar an lámh eile, go raibh an duine contráilte i gceist acu, áfach, ó tharla go raibh scoláire Gaeilge agus sagart, Uilliam Ó Cléirigh (c.1691-1758),<sup>2254</sup> i mbun pinn sa dúiche thart ar Chill Bhearraigh le linn do Shéamus Mac Cuarta a bheith ina bheatha.

<sup>2250</sup> Gheofar cóip den dán seo in Ó Tuathail (1923: 70). Tugtar faoi deara go n-úsáidtear an litriú *Cliarcán*, nó rud éigin gar dó, i ngach aon chóip den téacs dá bhfaca mé; is ar éigean a thagann sé seo salach ar an leagan neamhghnách úd den sloinne a cheadaíodh an scríobhaí féin.

<sup>2251</sup> Féach nóta 2246 thuas.

<sup>2252</sup> ARÉ 12E25 (908), lch 51. Séamus Mac an Ultaigh a scríobh, 1772.

<sup>2253</sup> COBÁC C8, lch 5. Seorsa Mhic Conraoi a scríobh, 1773.

<sup>2254</sup> De réir Cogan (1862: 351), fuair an tAth. William Clarke bás an 24 Márta 1758, in aois a 67 mbliana, agus adhlacadh é i gCill Bhearraigh, gar don Uaimh, Co. na Mí. Tá an t-eolas seo i gcló fosta i nóta mínithe in Ó Tuathail (1923: 83). Ba é Uilliam Ó Cléirigh a cheap dán chuig Risteard Táth, tar éis dó dán eile a fháil ó Risteard i dtaobh lámhscríbhinne a bhí aige ar iasacht le fada an lá. Tá giotáí

**ARÉ 23E21 (532).** Amhráin le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin. An Choill Bhán, An Obair, An Mhí 1827. Do *Edward O'Reilly*.

Tugtar nóta iontach gearr (agus míchruinn) ar Michael Clarke, aistriitheoir *Man's Final End* (1824) agus *Ireland's Dirge* (1827),<sup>2255</sup> in O'Donoghue (1912: 69), agus déantar corrrthagairt dó i gcuid mhaith leabhar agus alt—Ó Casaide (1931; 1938), Ó Muirgheasa (1933: 124; 2015: 300), Ó Buachalla (1968: 124, 127-8), agus eile. Más fíor sin, ba é Mac Lochlainn (1957; 1961) an chéad duine a rinne dianiarracht mórán sonraí beathaisnéise a bhailiú air. Tugtar cuntas cuimsitheach ar ghnéithe áirithe dá chuid saothar in Mac Gabhann (1996), agus sa *Chlóliosta*.

Ar an ábhar go bhfuil lear mór tagairtí againn do scoláire Gaeilge darbh ainm Michael Clarke nó Mícheál Ó Cléirigh ó fhoinsí éagsúla, is fiú beagán ama a chaitheamh ar a dtabhairt le chéile, nó iarracht a dhéanamh a léiriú go dtagraíonn na taifid uilig seo d'aon duine amháin. Diomaite de go bhfuil clú éigin ar Michael Clarke, údar na leabhar, agus go bhfuil a ainm i gcló i gcuid mhaith áiteacha, is beag atá ar eolas faoi, agus tá cuid de na nótaí a tugadh air míchruinn. Ba dhóigh le O'Donoghue (1912: 69), mar shampla, nach raibh in Michael Clarke ach ainm cleite a d'úsáideadh an file James Martin (c.1783-1860).<sup>2256</sup> Is eol dúinn, ar ndóigh, nach fíor sin. An méid tagairtí atá againn do Mhícheál Ó Cléirigh nó do Michael Clarke, is féidir iad a aicmiú mar seo,

---

den dán seo, agus d'fhreagra an Ath. Uí Chléirigh, i gcló i gCaib. 1.1.1, agus leagan iomlán den dá dhán in Ó Tuathail (1923: 60-4).

<sup>2255</sup> Féach an *Clóliosta* faoi na blianta 1824 agus 1827, áit a ndéantar plé ar an dá leabhar sin. Féach fosta an t-athchló ar *Man's Final End* a cuireadh amach sa bhliain 1851 tar éis bhás an údair.

<sup>2256</sup> James Martin (1783-1860), an file cáiliúil ón Seanchaisleán, Co. na Mí, a fuair bás cúpla lá roimh Pheadar Ó Gealacáin, ar an 25 Eanáir 1860. Níl againn aon ábhar Gaeilge dá chuid.

Tá sé intuigthe ó na cuntais éagsúla a scríobh Séamus Ó Casaide ar Mhícheál Ó Cléirigh nár aontaigh sé le O'Donoghue (1912: 69), mar a thugann sé le fios in Morris & Ó Casaide (1934: 14), ach ghéill sé do thuairim John McCall go ndearna James Martin cúlscríbhneoireacht ar son Mhíchíl Uí Chléirigh faoi dheoidh in Ó Casaide (1939: 84).



- (A) Tagairtí a bhaineann le **Michael Clarke**, An Choill Bhán, An Obair, Co. na Mí, aistritheoir *Man's Final End* (1824), agus *Ireland's Dirge* (1827);
- (B) Nótaí Pheadair Uí Ghealacháin ar a chara, **Michael Clarke** nó **Mícheál Ó Cléirigh**, lena luann sé dhá ionad cónaithe, Geata Bán na hOibre, agus An Choill Bhán;
- (C) **Michael Clarke**, An Choill Bhán, an té a chuir cuid d'amhráin Thoirdealbhaigh Uí Chearballáin chuig Edward O'Reilly sa bhliain 1827.

Is éasca a thaispeáint gurbh aon duine amháin iad **AB**, agus ní haon iontas é go nglacann Ó Muirgheasa (1933: 124; 2015: 300) agus Mac Gabhann (1996) leis gurb iad an duine céanna iad. Tugaimis aghaidh ar **A** i dtús áite. Thaispeáin O'Rahilly (1952: 57) gur bunaíodh an leagan Gaeilge den dán *A dhuine cuimhnigh ar do chríocha déanacha* a thugtar in *Man's Final End* (1824) bunús uilig ar an leagan a chuir Éamonn Ó Sealbhaidh i gcló in *Crioch Deighneach don Duine. Dan Diadha* (1818).<sup>2257</sup> Ní gá gur scoláire iontach maith Gaeilge é Michael, ar an ábhar sin. Cuireadh cuid den saothar i gcrích ar an 10 Samhain 1824.

Ba uailmhianaí go mór an dara saothar, *Ireland's Dirge* (1827). Cóip de *An uair a smaoinim ar shaoithibh na hÉireann* atá ann, agus leagan Béarla in éineacht leis, maille le dán fada ó pheann an údair ar na daoine a chuidigh leis díol as a fhoilsíú. Thaispeáin Mac Gabhann (1996: 82-5) nach féidir brath ar an gcuntas claonta a scríobh John McCall, inar áitigh sé gurbh é James Martin (c.1783-1860) údar fíre an tsaothair seo. Tugann McCall 'a shallow-brained and vain-thinking personage' ar Michael,<sup>2258</sup> agus tá scéal aige gur chuir James Martin Michael os comhair na

<sup>2257</sup> Féach nóta 1281 thuas.

<sup>2258</sup> Cuireadh an t-alt seo i gcló ar an *Irish Emerald*, an 21 Samhain 1896. Tá cóip de in Mac Gabhann (1996: 83). In alt eile a scríobh sé ar an bpáipéar céanna ina dhiaidh sin, dúirt John McCall go raibh sé

*Quarter Sessions* toisc gur dhiúltaigh sé dó díol as an gcúlscríbhneoireacht a rinne sé ar an leabhar. Is í an argóint is láidre ina éadan sin, mar a deir Mac Gabhann (1996: 84-5), go raibh an bheirt acu cairdiúil lena chéile ina dhiaidh sin; agus, mar a léirigh O’Rahilly (1952: 57), nach féidir gur chum duine ar bith acu an leagan Béarla, óir bhí fáil air i lámhscríbhinní Muimhneacha deich mbliana sular foilsíodh leabhar Michael Clarke. Tá istigh leis an ábhar seo liosta fada síntiúsóirí, dánta moltacha ar an údar, agus dán fada dar teideal ‘The Author’s Tour’. Sa dán sin, tugann Michael a bhuíochas go speisialta le ‘two Esquires’ ó Bhaile Átha Cliath, Edward O’Reilly agus Séamus Ó hArdagáin.<sup>2259</sup> Ba dhuine de na filí a cheap na dánta molta ar Michael Clarke, iad siúd atá i gcló in *Man’s Final End* (1824) agus *Ireland’s Dirge* (1827) é James Martin, agus luaitear Peadar Ó Gealacáin ar liosta síntiúsóirí *Ireland’s Dirge* (1827).<sup>2260</sup>

Nuair a chuir eagarthóir an *Drogheda Argus* athchló ar *Man’s Final End* (1824) sa bhliain 1851, chuir sé teideal úr leis, *Man’s Final End. A Poem; Written in Irish, ... Translated into English Verse by the Late Michael Clarke, of Whitewood, near Nobber, County Meath.*<sup>2261</sup> Cóip den téacs *A dhuine, cuimhnigh ar do chríocha déanacha* maille le tiontú Béarla atá ann, agus an buntéacs leagtha (go mícheart) aige ar Sheán Ó Conaill. Déantar plé gearr ar an eagrán seo in Ó Casaide (1931), agus sa *Chlóliosta*. Mheabhraigh cúpla scríbhneoir eile dúinn, Ó Casaide (1936d: 110), agus eile, go dtugtar an t-ainm ‘Mr M. Clarke, Senior’ ar an liosta síntiúsóirí in *Man’s Final End* (1824). Tá sé intuigthe ón méid seo go raibh beirt fhear darbh ainm

---

suite de gur scríobh James Martin an leagan Béarla de *Man’s Final End* (1824) fosta; féach Mac Gabhann (1996: 84).

<sup>2259</sup> Tá an chuid seo den dán i gcló in Mac Gabhann (1996: 93).

<sup>2260</sup> Tugtar sleachta as liosta síntiúsóirí *Ireland’s Dirge* (1827) in Mac Gabhann (1996: 93-5), agus luaitear ‘Gallican, Mr. P., Castlecome’ ann. Tagraítear do ‘Cassidy, Mr. P., Tavis’ fosta.

<sup>2261</sup> Tugtar an log ‘Whitewood’, agus an dáta 10 Samhain 1824, ag deireadh an chéad eagráin de *Man’s Final End* (1824). Tá facs. de leathanach teidil an athchló, agus de na chéad línte den leagan Gaeilge den dán, in Ó Casaide (1931: 79, 81).

Micheal Clarke ag cur fúthu sa Choill Bhán, sa dóigh go raibh gá le teidil, ‘Senior’, srl., lena ndealú óna chéile—‘Mr M. Clarke, Senior’, an síntiúsóir; agus Michael Clarke [*junior*], údar an leabhair, is dócha. Tacaíonn *Leabhar Deachúnaithe* (1826) pharóiste na hOibre leis an méid sin, nó sonraítear ann ‘Michael Clarke, Jun<sup>r</sup>’ agus ‘Michael Clarke, Seg<sup>nt</sup>’ a bhí ag cur fúthu beirt ar an gCoill Bhán. B’fhéidir go dtabharfadh sin fonn orainn an cheist a scrúdú ó bhonn, ar an ábhar go raibh beirt fhear ar aon ainm agus ar aon sloinne ina gcónaí taobh lena chéile sa Choill Bhán, agus a chuir spéis éigin i leabhair Ghaeilge: duine acu á scríobh, agus duine eile ina shíntiúsóir leo. Ní ceist dúinn, cibé rud é, go raibh Michael A marbh faoin am ar chuir eagarthóir an *Drogheda Argus* athchló ar *Man’s Final End* (1824) sa bhliain 1851, agus phriontáil Mac Lochlainn (1957: 70) fógra a d’aimsigh John Brady sa pháipéar céanna, an *Drogheda Argus*, a thugann le fios go bhfuair Michael Clarke éigin bás sa Choill Bhán an 27 Eanáir 1847, in aois a 97 mbliana.<sup>2262</sup>

Cé nach raibh Mac Lochlainn (1957: 70) sásta glacadh leis gurbh é an t-aistritheoir a bhí i gceist san fhógra seo, ar an ábhar nach ndéantar trácht ar fhéith na filíochta a bheith ann, tá cuid mhaith údar a tháinig ina dhiaidh tar éis an dáta báis sin, an bhliain 1847,<sup>2263</sup> a chur síos d’údar *Man’s Final End* (1824) agus *Ireland’s Dirge* (1827).

Is a bhuí le Peadar Ó Gealacáin is féidir aistritheoir na leabhar thuas, **A**, a cheangal le **B**, an té a d’aistrigh go Béarla glacán dánta a thugtar i lámhscríbhinní Pheadair. Ba é Peadar amháin a d’fhág an chuid seo de shaothar an aistritheora againn, agus deir sé linn gur chaith sé tuairim is coicís ag teagasc i dteach ‘Michael Clarke’, sa Choill

---

<sup>2262</sup> *Drogheda Argus*, an 6 Feabhra 1847.

<sup>2263</sup> Is gnách go dtugtar 1750-1847 mar shaolré dó. Féach Mac Gabhann (1996: 73), Ní Mhunghaile (2011: 141), srl.

Bhán, i mí Feabhra 1824.<sup>2264</sup> I gcuid mhaith de na dánta a luann Peadar Ó Gealacáin le Michael Clarke nó Mícheál Ó Cléirigh (**B**) ina chuid lámhscríbhinní,<sup>2265</sup> deir sé gur sa Choill Bhán, gar don Obair, Co. na Mí, a bhí cónaí ar Mhícheál.

Dhealródh sé go raibh aithne acu beirt ar a chéile chomh fada siar leis an 1 Meán Fómhair 1823, an lá ar scríobh Peadar isteach in LN G809 tomhas gearr Gaeilge a chuir Mícheál Ó Cléirigh ó Gheata Bán na hOibre chuige,<sup>2266</sup> agus tá dánta eile le Mícheál Ó Cléirigh in DE Gen. 43D agus LN G1152. Ní ceist dúinn, mar gheall ar an mbaint a bhí ag Peadar leis an *Irish Society* cúpla bliain ina dhiaidh sin, gurb aon duine amháin é **B**, agus an Michael Clarke a bhí ina mháistir ar scoil Dhomhnaigh faoi stiúir an *Irish Society* faoin am seo; thairg sé agus beirt mháistrí eile, William Andrews agus P. Clearkan, a gcuid seirbhísí do chigire de chuid an chumainn sin, E. N. Hoare, thart faoin 7 Feabhra 1823 (de Brún 2009: 175, 486). Is dóigh go bhfuair sé post leo am éigin i mí na Bealtaine 1823. Tá a ainm ar rollaí pá an *Irish Society* suas go dtí mí na Bealtaine 1827, ach ní fheicim a ainm ar na rúin a síníodh an 5 Meán Fómhair 1827.

Dhealródh sé, mar a luadh thuas, go raibh féith na filíochta i muintir Chléirigh na hOibre: meabhraíonn Peadar Ó Gealacáin dúinn gurbh fhile Gaeilge deartháir Mhíchíl Uí Chléirigh (**B**), Murtagh Clarke, agus go raibh páirt éigin acu le Brian Rábach Ó Cléirigh. Bhí Mat. Clarke ón gCoill Bhán ina shíntiúsóir le *Man's Final End* (1824) fosta, agus deir de Brún (2009: 174) go raibh duine darbh ainm Mathew Clarke ón gcomharsanacht sin ag teagasc i ndúiche Dhún an Rí thart faoin am sin.

---

<sup>2264</sup> Scríobh Breandán Ó Buachalla in Ó Buachalla (1968: 124 n.23a) go raibh an teach seo ann go fóill nuair a bhí an leabhar sin á ullmhú don chló aige.

<sup>2265</sup> Féach, mar shampla, na tagairtí a thugtar i nótaí 2266, 2269.

<sup>2266</sup> LN G809, lch 666. Tá an tomhas i gcló in Laoide (1914: 104), Ó Muirgheasa (1915: 185), agus Ó Buachalla (1968: 127-8). Luaitear é sa liosta scoláirí a chuir Peadar Ó Gealacáin le chéile in DE Gen. 43D, lgh 699-700. Is é uimh. 50 é 'Michael Clarke †' (lch 700), agus an mhíodóg ina comhartha aige go raibh aithne phearsanta aige ar Mhícheál [dáta: 1841-4].

Luaitear a ainm ar na rollaí pá gach ráithe ó mhí Feabhra 1826 amach, go dtí go dtagann deireadh leo i mí na Bealtaine 1827. Tugtar a ainm ar na rúin a síníodh an 5 Meán Fómhair 1827, ach thug Matthew Clarke ó pharóiste Chill Mhaighneann a bhriathar an 12 Meán Fómhair 1827 nach bhfaca sé na rúin agus nár chuir sé a ainm leo; sin agus go raibh sé tar éis scaradh leis an gcumann. Más fíor gur chuir cuid mhaith den teaghlach spéis i gcúrsaí Gaeilge, ní féidir a bheith sásta go raibh oiread agus duine amháin acu ina scríobhaí maith: b'fhéidir gur leor mar léiriú air nár shealbhaigh Mícheál **B** ceartscríobh na teanga riamh, go bhfios dúinn, gur thug Peadar Ó Gealacháin ‘a rustic rural poet’ air.<sup>2267</sup> Níor bheag an meas a bhí ag Peadar air, áfach—deir sé áit eile i lámhscríbhinn eile dá chuid gur ‘natural poet’ é Mícheál, agus molann sé cuid de na haistriúcháin a rinne sé ar dhánta Gaeilge.<sup>2268</sup>

Tuairim is fiche bliain i ndiaidh dó a bheith ag teagasc i dteach Mhíchíl, d'fhág Peadar againn cóipeanna de thrí aistriúchán le Mícheál Ó Cléirigh ina mhórshaothar DE Gen. 43D, *Réimchnuasacht Pheadair Uí Ghealacháin*, a grafadh idir na blianta 1841 agus 1844. Is éard atá sa chéad pháirt, aistriúchán Béarla ar leagan den amhrán ‘Róis Bheag Dhubh’. Ba é Brian Rábach Ó Cléirigh ó Cho. an Chabháin údar an bhunsaothair, más ceart do Pheadar Ó Gealacháin, agus ba *cousin* le Mícheál é Brian Rábach.<sup>2269</sup>

---

<sup>2267</sup> DE Gen. 43D, lch 428.

<sup>2268</sup> Féach nóta 2269 thíos.

<sup>2269</sup> Brian Rábach Ó Cléirigh, file agus údar ‘Eachtra an Reagaire Thorpaigh’. Tugann Peadar Ó Gealacháin an t-eolas seo i dtaobh na páirte a bhí ag Mícheál Ó Cléirigh leis: ‘Mich<sup>l</sup> Clarke of Whitewood near Nobber, C<sup>o</sup> of Meath, was a natural poet. He was a cousin of the above Bryan Clarke’, LN G1152, lch 9; féach Mac Gabhann (1996: 73). Ní éasca a rá goidé an pháirt a bhí ag Mícheál le Brian Rábach. Ba dhóigh le Edward O’Reilly (1820: ccxxii) gur mhair Brian Rábach Ó Cléirigh thart ar an mbliain 1730; is dócha gur ag brath ar eolas an Oll. Pól Ó Briain a bhí sé. Lean Ó Muirgheasa (1933: 174; 2015: 324) é. Tá ‘Eachtra an Reagaire Thorpaigh’ in LC 1, lámhscríbhinn a ghraf Pádraig Ó Dúiche idir na blianta 1808 agus 1809.

Let the reader take notice that the late M<sup>r</sup> Mich<sup>l</sup> Clarke, the translator of this song, was a natural poet, and a near relation of the Author, Bryan Clarke.<sup>2270</sup>

Ó tharla gur grafadh an t-amhrán sin idir an 31 Lúnasa 1841 agus an 2 Meán Fómhair 1841,<sup>2271</sup> thuigfí go raibh an t-aistritheoir seo marbh an uair sin. Tá amhrán eile de chuid Bhriain Rábaigh sa lámhscríbhinn ar aistrigh Mícheál Ó Cléirigh é, ‘Ráfla an Smólaigh’. Ceanglaíonn Peadar Ó Gealacháin an t-aistritheoir seo go foirmeálta an uair seo le húdar *Man’s Final End* (1824) agus *Ireland’s Dirge* (1827) i nóta a chuir sé leis an dán,

This song was also translated into English verse by M<sup>r</sup> Mich<sup>l</sup> Clarke of Whitewood, near Nobber. He was the Translator of “Man’s Final End,” and “Ireland’s Dirge.”<sup>2272</sup>

Leagan Béarla den amhrán Gaeilge, ‘Róis Ní Fhaircheallaigh’, atá sa tríú dán, agus tugann Peadar Ó Gealacháin nóta gearr ag deireadh an aistriúcháin a thagraíonn siar go hindíreach don dá nóta a cuireadh i gcló thuas,

The Translator M<sup>r</sup> Mich<sup>l</sup> Clarke died about A.D. [    ],<sup>2273</sup>

Scríobhadh an nóta sin i dtús mhí an Mhárta 1843, ar an 7 Márta 1843, is dóigh.

Fágadh an dáta báis ar lár sa lámhscríbhinn, agus níor éirigh le Peadar, is cosúil, teacht ar an dáta ceart riamh.

---

<sup>2270</sup> DE Gen. 43D, lch 60. Deirtear ina dhiaidh sin, ar lch 61: ‘There is another song called Róisín Dubh, ... but the above song is all that was composed by Bryan Clarke & translated by Mich<sup>l</sup> Clarke’.

<sup>2271</sup> Tosaíonn an t-amhrán ‘Róis Bheag Dhubh’ ar lch 59 in DE Gen. 43D, agus tá an nóta thuas ar an aistritheoir—mar aon leis an gceann a luaitear i nóta 2270—ag bun lgh 60, 61. Deirim gur scríobhadh an méid seo idir na dátaí a tugadh thuas, óir tá an dáta 31 Lúnasa 1841 ar lch 54, agus scríobhadh lch 62 ar an 2 Meán Fómhair 1841. Taobh amuigh de na breiseanna i dtosach agus i gcúl DE Gen. 43D, scríobhadh in ord cróineolaíoch í idir an 10 Lúnasa 1841 agus an 10 Feabhra 1844.

<sup>2272</sup> DE Gen. 43D, lch 427.

<sup>2273</sup> DE Gen. 43D, lch 433. Féach fosta an dóigh a n-úsáideann Peadar Ó Gealacháin an aimsir chaite sa chéad nóta a tugadh thuas: ‘This song was also translated into English verse by M<sup>r</sup> Mich<sup>l</sup> Clarke of Whitewood, near Nobber. He was the Translator of “Man’s Final End,” and “Ireland’s Dirge”’, DE Gen. 43D, lch 427. Déanann Peadar an rud céanna i nóta a scríobh sé sa bhliain 1844 in LN G1152; féach nóta 2269 thuas.

Is é rud is príomhchúram dúinn anseo iarracht a dhéanamh **AB** a cheangal leis an scríobhaí neamhghairmiúil **C** a ghraf cuid de ARÉ 23E21 (532) do Edward O'Reilly sa bhliain 1827. Ní doiligh a dhéanamh amach go raibh páirt ag an scríobhaí agus ag an údar lena chéile murab iad an duine céanna iad, ó tharla go dtugann an scríobhaí agus údar na leabhar an Choill Bhán mar áit scríofa ina gcuid saothar. Ar an 14 Bealtaine 1827, chuir an scríobhaí cúpla amhrán de chuid Thoirdealbhaigh Uí Chearbhalláin chuig Edward O'Reilly, Crois Araird, Baile Átha Cliath, agus an nóta gearr seo le ceann acu,

Dr. Sir, I have exerted myself to the utmost to procure more but get none but scattered remnants; which I omitted sending you—but I hope to have the pleasure in a few days to give you a recital of what I collected of Carrolans Composition—

I remain Sir your humble servt.

Michl. Clarke.

Whitewood May 14th  
1827.<sup>2274</sup>

Cuimhnítear air gur luaigh **A** Edward O'Reilly mar dhuine den bheirt scoláirí a chuidigh leis saothar clóite dá chuid a réiteach. Is dóigh gur maith an leid é seo gurbh é an duine céanna é an Michael Clarke (**C**) úd a scríobh na giotaí seo do Edward O'Reilly, agus **AB**. Ligeann an t-eolas seo dúinn cúpla rud a áiteamh,

- (1) B'aon duine amháin **A**, údar *Man's Final End* (1824), srl., **B**, an file dátheangach ón gCoill Bhán ar fhág Peadar Ó Gealacáin cuid mhaith dá shaothar againn, agus **C**, an scríobhaí a ghraf cuid mhaith de ARÉ 23E21 (532). Tabharfar Mícheál Ó Cléirigh air amach anseo.

---

<sup>2274</sup> ARÉ 23E21 (532), lch 146. Tugtar an dán agus an nóta thuas in Ó Máille (1916: 310-11). Scríobhadh an dán san *English character*, agus tá sampla de dhán eile a chuir an Michael Clarke seo chuig Edward O'Reilly in Ó Máille (1916: 309-10). Is dóigh gur beag an cur amach a bhí ag Michael ar ortagrafaíocht na Gaeilge, nó ní fheicim goidé an t-ábhar go gcuirfeadh sé amhráin san *English character* chuig Edward O'Reilly, murab é nach raibh sé in ann an Ghaeilge a litriú. Is spéisiúil cuid de na foirmeacha canúna a thugtar sa lámhscríbhinn.

- (2) Bhí Mícheál Ó Cléirigh marbh le méid ama as cuimhne faoin 2 Meán Fómhair 1841, sa dóigh gur cailleadh é am éigin idir na blianta 1827 agus 1841. Dá fhaide siar an dáta báis sa tréimhse sin, is ea is fearr.
- (3) Fágann sin nach ionann Mícheál Ó Cléirigh agus an Michael Clarke a fuair bás an 27 Eanáir 1847; ós rud é go raibh cónaí ar an Michael Clarke seo sa Choill Bhán, téann sé le céill gurbh eisean an ‘Mr. M. Clarke, Senior’ a bhí ina shíntiúsóir le *Man’s Final End* (1824), agus gur mhair sé Mícheál Ó Cléirigh.
- (4) Is féidir gur mhac nó nia le ‘Mr. M. Clarke, Senior’ (c.1750-1847) é Mícheál Ó Cléirigh, agus go raibh deartháir ag Mícheál darbh ainm Murtagh Clarke.

Ós rud é go bhfuil an méid sin socraithe againn chomh maith agus is féidir, is fiú féachaint ar thaifid pharóiste na hOibre, an paróiste ina bhfuil an Choill Bhán suite. An Michael Clarke a fuair bás an 27 Eanáir 1847, luaitear é faoin litriú Michael Clark i gClár *Baistí, Póstaí & Adhlacthaí* na hOibre, áit a dtugtar an Choill Bhán mar ionad cónaithe dó, agus an 29 Eanáir 1847 mar dháta adhlactha.<sup>2275</sup> Níl ach dhá thaifead eile ar bhásanna daoine darbh ainm Michael Clark(e) i gclárleabhair an pharóiste sin sa 19ú hAois—Michael Clark éigin as an \*gCreig Mhór [Creggmore],<sup>2276</sup> An Chreig, An Obair, a fuair bás sa bhliain 1839; agus Michael Clark a fuair bás sa Choill Bhán, agus a adhlacadh san Obair ar an 4 Lúnasa

<sup>2275</sup> Tá taifead ar na trí adhlacadh seo i gClár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, *An Obair*, 1821-66, ‘August 4 [1834]. Michael Clark died at Whitewood b<sup>d</sup> in Nobber’.  
‘February 2<sup>o</sup> [1839]. Michael Clark died at Creggmore b<sup>d</sup> in Enniskeen’.  
‘29 [Eanáir 1847]. Michael Clark died at Whitewood b<sup>d</sup> [ ]’.

Tugtar áiteacha cónaithe mar riail sa chlárleabhar seo (1821-66), ach ní mar sin a bhíonn an scéal i dtólamh sa chead imleabhar (1754-1821).

<sup>2276</sup> Mionainm nach bhfuil leagan ceart Gaeilge ar fáil dó. Glacaim leis go dtugtaí \**An Chreig Mhór* air.



1834.<sup>2277</sup> Ní thugtar a aois ar uair a bháis, ach ó tharla go bhfuil na taifid sin cuimsitheach, agus go bhfuil cuma an chruinnis orthu, bheifí ag déanamh amach gur féidir go bhfuil an duine seo le ceangal le húdar *Man's Final End* (1824) agus *Ireland's Dirge* (1827). Anuas ar an mbeirt Mhícheál a fuair bás sa Choill Bhán sna blianta 1834 agus 1847, tá taifid eile sa chlárleabhar ar bhail eile den teaghlach sin a fuair bás ann: Murtagh Clarke, An Choill Bhan, a adhlacadh ar an 8 Bealtaine 1823; Rose Clark, An Choill Bhán, a adhlacadh ar an 13 Samhain 1846; Peter Clarke, An Choill Bhán, ar an 17 Meitheamh 1852; agus Anne Clarke, An Choill Bhán, a adhlacadh an 11 Márta 1849.<sup>2278</sup>

Diomaite de go dtéann na taifid pharóiste seo chomh fada siar leis an mbliain 1754, tá corrbhearnaí iontu anseo is ansiúd, sa dóigh nach féidir liom teacht ar theastas baiste dheartháir Mhíchíl Uí Chléirigh, Murtagh Clarke. Ní ainm (baiste) róchoitianta é Murtagh, ach tá cúpla tagairt do dhaoine darbh ainm Murtagh Clark(e) a bheith ag cur fúthu i bparóiste na hOibre thart faoin gcéad cheathrú den 19ú hAois. Pósadh duine acu sa bhliain 1828,<sup>2279</sup> agus adhlacadh duine eile acu, mar a dúradh thuas, Murtagh Clark, An Choill Bhán, san Obair ar an 8 Bealtaine 1823.<sup>2280</sup> Is dóigh go bhfuil deartháir Mhíchíl le ceangal le duine den bheirt sin, ach níl teastais bhaiste ar fáil dóibh. An tríú Murtagh Clark, ba pháiste é le Mich Clark agus Ann ———, agus baisteadh é ar an 8 Samhain 1829.<sup>2281</sup> Dhealródh sé, ar ábhair éagsúla, go bhfuil

<sup>2277</sup> Féach nóta 2275 thuas.

<sup>2278</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair, 1821-66*,  
 ‘8<sup>th</sup> [Bealtaine 1823]. Murtaugh Clark died at Whitwood b<sup>d</sup> in Nobber’.  
 ‘13 [Samhain 1846]. Rose Clark died at Whitewood b<sup>d</sup> in Nobber’.  
 ‘11 [Márta 1849]. Anne Clarke Died at Whitewood B<sup>d</sup> in Nobber’.  
 ‘17 [Meitheamh 1852]. Peter Clarke died at Whitewood & buried in Nobber’.

<sup>2279</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair, 1821-66*,  
 ‘Nov<sup>r</sup> / 7 [1828]. Murtagh Clark to Kitty Cassidy. P<sup>i</sup> Pat Cassidy & Pat Clark’.

<sup>2280</sup> Féach nóta 2278 thuas.

<sup>2281</sup> Féach nóta 2283.

an t-athair seo, Mich Clark, le ceangal leis an Michael Clark a adhlacadh an 4 Lúnasa 1834, agus leis an scríobhaí Gaeilge fosta.

Ag dul siar trí na taifid, faigheann muid tuilleadh eolais faoi na tuismitheoirí seo. Pósadh iad, ‘Michael Clark of Whitewood’ agus ‘Ann Dignan of College’ ar an 2 Feabhra 1811 san Obair, agus rugadh dóibh seachtar clainne sna blianta a lean sin: Rose Clarke (1812) sa \*Choláiste [College];<sup>2282</sup> agus an chuid eile ar an gCoill Bhán, Mathew Clarke (1815), James Clarke (1818), Catty Clarke (1825), Margaret Clarke (1827), Murtagh Clarke (1829), agus Michael Clarke (1834).<sup>2283</sup> Is ar an teastas baiste deiridh amháin a thugtar sloinne breithe na máthar, Anne Duignan; is dóigh gurb í seo an bhean a adhlacadh sa pharóiste an 11 Márta 1849. Baisteadh an mac seo, Michael, ar an 9 Deireadh Fómhair 1834, tuairim is ocht seachtaine tar éis dá athair bás a fháil. B’fhéidir go rithfeadh sé leis an léitheoir nach rómhaith a théann ainmneacha na mac a rugadh don lánúin phósta seo leis an tuairim gur mac le M[ichael] Clarke, *senior* (c.1750-1847) é Mícheál Ó Cléirigh, agus níl taifead baiste sna clárleabhair a réiteodh leis an tuairim seo fosta. Más fíor gur phós Mícheál sa bhliain 1811, rugadh san 18ú hAois é, agus níl ach trí thaifead ar bhaistí daoine darbh ainm Michael Clark(e) don tréimhse seo: Michael Clarck (mac le John Clarck

---

<sup>2282</sup> Níl leagan deimhnithe Gaeilge ar fáil.

<sup>2283</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair, 1754-1821,*

‘February 2 [1811]. Michael Clark \of Whitewood/ to Ann Dignan of College. P<sup>r</sup> John & Owen Dignan’.

Seo iad na páistí a rugadh dóibh, as *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair, 1754-1821,*

‘19 [Samhain 1812]. College. Rose d: Mich<sup>l</sup> & Ann Clark. Sp. Felix & Rose Boylan’.

‘Whitewood. 26 [Eanáir 1815]. Mathew S: to Mich<sup>l</sup> [&] Ann Clarke. Sp. John & Rose Clark’.

‘Whitewood. 31 [Deireadh Fómhair 1818]. James: S. Mich<sup>l</sup> & Ann Cla<sup>r</sup>/k. Sp.: John Dignan & Peggy Dignan’.

Tá an chuid eile díobh i g*Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair, 1821-66,*

‘April / 2 [1825]. Whitewood. Catty d: Mich<sup>l</sup> & Ann Clarke. Sp. Matt Geoghegan, Peggy Dignan’.

‘22 [Meitheamh 1827]. White\wood/. Margaret \D/ Michael & Anne Clarke. Peter Mulldoon, \Mary Daly/’.

‘8 [Samhain 1829]. Whitewood. Murtagh. Mich & Ann Clark. Sp. Edw<sup>d</sup> Brien, Honora Clark’.

‘9 [Deireadh Fómhair 1834]. Whitewood. Mich<sup>l</sup> S<sup>n</sup> to Mich<sup>l</sup> Clarke & Anne Duignan. Sp. Lawrence Clarke & Anne Clarke’.

agus Bridget Campbell) a baisteadh an 9 Meán Fómhair 1765; Michael Clarke (mac le Thom. Clarke, ‘Cregmoer’, agus Margret ———) a baisteadh an 5 Aibreán 1779; agus Michael Clarke (mac le Ma<sup>w</sup> Clarke, ‘W[hite] Wood’, agus Mary ———) a baisteadh an 7 Meán Fómhair 1785.<sup>2284</sup> Murab é Mícheál Ó Cléirigh an Michael Clarke seo a rugadh sa bhliain 1785, bhí páirt éigin aige leis. Is féidir, más fíor an méid sin, gurbh uncail le Mícheál Ó Cléirigh an M[ichael] Clarke, *senior* (c.1750-1847) a bhí ina shíntiúsóir le *Man’s Final End* (1824).<sup>2285</sup>

### 2.135. Seán Ó Cléirigh, c.1778-1846

[John O’Clery]

**ARÉ 23G12 (12).** Dánta le Seán Ó Dubhagáin, Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Conaing Ó Maoil Chonaire, Maoilín Mac Bruaideadha, Tadhg Dall Ó hUiginn, [Tuileagna Ó Maoil Chonaire], Dubhthach Ó Duibhgeannáin, Donnchadh Ó Maoil Chonaire, ginealach Iarla Aontroma, sleachta as aoir Aonghus na nAor Uí Dhálaigh, Tadhg Camchosach Ó Dálaigh, Giolla Modhubhda Ó Caiside, Flann Mainistreach, Torna Ó Maoil Chonaire, Muireadhach Ó Dálaigh, ‘Craobhsgaoileadh Seanchas Gearaltach’.

*Marcanna uisce*: 1824-31.

**ARÉ 23G13 (13).** ‘Iomarbhágh na bhFileadh’. *Marcanna uisce*: 1824-30.

**ARÉ 23O1 (65).** Formhór di. Dánta le Giolla Chaoimhghin [Ó Cuirnín], Fear Dorcha Ó Dálaigh, Aonghus na nAor Ó Dálaigh, ‘Fís Mherlino’, ‘An

<sup>2284</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair, 1754-1821,*

‘9 [Meán Fómhair 1765]. Baptized Michael son to John Clarck and Bridget Campbell, his wife. Gossops—Patt Hand and Rose Carr[oll ?].’

‘5 [Aibreán 1779]. Cregmoer. Michael son to Thom & Margaret Clarke. G. John Byrne & Mary Guilshenan’.

‘<Se>pt<sup>r</sup> 7 [1785]. W[hite]wood. Mich<sup>l</sup> son to Ma<sup>w</sup> & Mary Clarke. G. Richard Divine & Mary Nolty’.

<sup>2285</sup> Sin nó gur cheart dúinn M[atthew] Clarke, *senior*, a léamh sa chéad áit, ach ní dóigh liom é, ar fhaisnéis *Leabhar na nDeachúnaithe* (1826).

Síogaidhe Rómhánach’, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’. *Marcanna uisce*: 1824-5.

**ARÉ 23M5 (66)**. ‘Urnaí do Dhomhnall Ó Conaill’, ‘Comhradh an Bháis’, ‘Tuireamh an Uain Neamhdha’, ‘Turas Locha Deirg’, leagan den *Dias Irae* agus den Chré, dánta cráifeacha, liodán, orthaí, ginealaigh. Baile Átha Cliath 1838.<sup>2286</sup>

**ARÉ 23O36 (567)**. Ginealaigh, dán le Muiris Ó Dálaigh. *Marcanna uisce*: 1836, 1838.

**ARÉ 23P4 (975)**. Cóip de ‘Leabhar Ginealach Uí Chléirigh’ (as ARÉ 23D17 (790)). 1823.

**ARÉ 24I19 (1205)**. Tairngreachtaí Choluim Chille, tairngreachtaí eile, rann le Cathal Ó Cléirigh agus Giolla *Bertaidh* Ó Scanláin, búrdún agus dánfhocail. 1821.

**COC M1 (1)**. ‘Tomarbhágh na bhFileadh’, dánta stairiúla agus eile le Seán Ó Dubhagáin, Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Conaing Ó Maoil Chonaire, Maoilín Mac Bruaideadha, Tadhg Dall Ó hUiginn, Dubhthach Ó Duibhgeannáin, Donnchadh Ó Maoil Chonaire, Murchadh Ó Dálaigh, Torna Ó Maoil Chonaire. 1825.

---

<sup>2286</sup> I gcuid de na lámhscríbhinní a ghráf Seán Ó Cléirigh, nuair a bhí cónaí air i mBaile Átha Cliath, tugann sé le fios gurbh ‘ó Dhrong’ i gCo. an Chabháin dó: féach na colafoin in ARÉ 23M5 (66), ARÉ 23O36 (567), agus COC M1 (1). Ní ionad scríofa atá i gceist, ar ndóigh, agus ní chuirtear na nótaí sin san áireamh sa liosta lámhscríbhinní thuas. Bhog Seán Ó Cléirigh go Baile Átha Cliath sa bhliain 1817.

Féach an nóta seo a scríobh Ó Muirthe (1991: 103) i dtaobh an dáta seo: ‘This MS contains a prayer for Daniel O’Connell, sentenced in 1843 to a year in prison ... The MS was, according to the scribe, finished in Dublin on 10 October 1838 (pp. 220, 247); obviously this is a slip on his part’. Is éasca an bhrí sin a bhaint as an téacs, ‘... Domhnald Ó Conaill, a chaith a shaoghal go teasghrádhach díograsach chum na gríoch naomhta so do rochdain anios cuíbhridhthe a mbraidionas ...’ (Ó Muirthe 1991: 103-4), ach is dócha gur mó den chaint mheafarach atá i gceist anseo, agus gur scríobhadh í nuair a bhíothas ag súil le Fuascailt na gCaitliceach, óir tá cóip eile den urnaí—arb ionann í, geall leis, agus an ceann seo—i lámh Éamoinn Mhic Cába (*q.v.*) in COBÁC M16, a scríobhadh idir 1821 agus 1828.

**LN G87.** Cóip de ‘Leabhar Ginealach Uí Chléirigh’ (as ARÉ 23D17 (790)).

*Marc uisce:* 1820.<sup>2287</sup>

Ba ó Dhrong, Co. an Chabháin, do Sheán Ó Cléirigh, mar a mheabhraíonn sé dúinn i gcúpla lámhscríbhinn dá chuid. Tugtar blianta idir 1774 agus 1778<sup>2288</sup> mar dháta breithe dó. B’ábhar mórtais dó a ghinealach, is dóigh, óir luann sé é go minic ina chuid lámhscríbhinní, ag dul siar go Conn Céadchathach uair amháin. Mar a thugtar an ginealach seo i gcuid de na lámhscríbhinní, ní ceist dúinn gur cumasc é den seanchas a chuala Seán Ó Cléirigh óna mhuintir, agus de thaifid scríofa eile—tá an fhaisnéis a thugann sé dúinn i dtaobh a raibh beo dá shinsir sa 17ú hAois, gan trácht ar ar tháinig rompu, le fáil in ARÉ 23D17 (790), lámhscríbhinn ar ghraf sé cóipeanna di tuairim is an bhliain 1823.<sup>2289</sup> Is léir gur sholáthair Seán é féin, nó a mhac John T. O’Clery (*q.v.*), a bhí ag scríobh chuig an údar, cuid mhaith den ábhar atá in O’Donovan (1844), na sonraí a bhaineann leis na glúnta deireanacha don teaghlach ach go háirithe. Tá dealramh an chruinnis ar chuid mhaith den seanchas a thug John T. O’Clery do Sheán Ó Donnabháin i dtaobh a athar agus a sheanathar: ba iad Pádraig Ó Cléirigh (*c.*1738-1816) agus Anne, iníon Bernard Smith ó Leathráth, Co. an Chabháin, tuismitheoirí Sheáin, agus pósadh iad sa bhliain 1759. De réir na nginealach a thug Seán ina chuid lámhscríbhinní, ba mhac le Cosnamhach mac Cairbre mhic Dhiarmada mhic Con Choigcríche mhic Lughaidh<sup>2290</sup> é Pádraig Ó

---

<sup>2287</sup> ‘Although no scribal date is given in the manuscript (watermark 1820) his style of handwriting would indicate it was written about the same time as his other extant copy of these genealogies, RIA 23P4, written in 1823’, *N.L.I. Cat.*, iii, 33-4.

<sup>2288</sup> Scríobh O’Donovan (1844: 397) gur rugadh Seán sa bhliain 1778, agus tá gach aon duine eile a thrácht air ina dhiaidh sin tar éis cloí go docht leis an mbliain sin, ach deirtear i bhfógra a bháis agus i dtaifid Reilig Ghlas Naíon go raibh Seán 72 bhliain d’aois nuair a fuair sé bás in 1846—féach nóta 2304. Ó tharla gur luaithe an dáta a thugtar in O’Donovan (1844), is maith is féidir gur cruinne é, agus cloím leis a bheag nó a mhór thuas.

<sup>2289</sup> Féach ARÉ 23P4 (975), a scríobhadh sa bhliain 1823, agus LN G87. Tugtar na ginealaigh i nóta 2290.

<sup>2290</sup> Tugaim na ginealaigh anseo, díreach le go mbeifear in ann a gcruinneas a mheas gan dua, ARÉ 23G13 (13), ARÉ 23M5 (66), COC M1 (1), LN G87,

Cléirigh, agus cuireann sé an dáta báis 1664 síos do Chú Choigríche i gceann de na ginealaigh seo, rud a dhearbhaíonn dúinn gur chreid sé féin gurbh ionann an Cú Choigríche seo agus an scríobhaí Gaeilge. Tagann an dáta, 1664, as an uacht atá istigh le ARÉ 23D17 (790). Tá an chuid eile den scéal seo chomh cáiliúil sin, agus taighde déanta ag a liacht sin scoláirí air, nach fiú ach achoimre a thabhairt air anseo. Nuair a bhí Seán Ó Donnabháin ag cur *The Genealogies, Tribes and Customs of Hy Fiachrach* le chéile, fuair sé roinnt eolais i litir ó ‘John O’Clery Jun.’ (O’Donovan 1844: 397) faoi mhuintir Chléirigh. Ag 37 Sr. Nassau, ar an 12 Feabhra 1842, a scríobhadh an litir,

Cucogry left his books to his sons Dermod and Shane. Cairbre, son of Dermod, had them in his possession, and left them to his son Cosnamha, who left them to his son Patrick, through whom they came into the possession of his son John, my father. By an accidental fire, which occurred in the house of my grandfather, a great part of Cucogry’s manuscripts was materially injured. The only ones which escaped damage were the following:— The Book of

	lch 184.	lch 247.	lch 178.	lch 241.
Dáta:	c.1824-30	1838	1825	c.1823 (?)
(a)	Seán	Seán	Seán	Seán
(b)	Pádraig	Pádraig	Pádraig	Pádraig
(c)	Cosnamhach	Cosnamhach	Cosnamhach	Cosnamhach
(d)	Cairbre	Cairbre	Cairbre	Cairbre
(e)	Diarmaid	Diarmaid	Diarmaid	Diarmaid
(f)	Cú Choigríche	Cú Choigríche	Cú Choigríche	————
		‘do éug 1664’		
(g)	Lughaidh	Lughaidh	Lughaidh	Lughaidh
(h)	Mac Con	Mac Con	Mac Con	Mac Con
(i)	Cú Choigríche		Cú Choigríche	
(j)	Diarmaid		Diarmaid	
(k)	Tadhg Cam		Tadhg Cam	
(l)	Diarmaid na dTrí Sgol		Diarmaid na dTrí Sgol, srl.	

Níorbh fhiú liom litriú na lámhscríbhíne a thabhairt liom anseo, ná na hainmneacha a fhágáil sa tuiséal ginideach, mar is gnách. Ag trácht ar an ngingealach a thugtar in LN G87, is éard a deir Ní Shéaghdha faoi, ‘... and even now it appears Seán Ó Cléirigh himself is not consistent ...’, *N.L.I. Cat.*, iii, 33. Is dócha nach bhfuil i gceist ach sleamhnú pinn anseo, ach is fiú a lua gur ginealach dearbhaithe é na glúnta ó Lughaidh (g) siar; ba é údar ‘Beatha Aodha Ruaidh’ é an duine seo—féach ARÉ 23D17 (790), lch 78, nó *Breathnach* (1935b: 61). An é go raibh Seán Ó Cléirigh, nó duine muinteartha leis, ag iarraidh ginealach na lámhscríbhíne, an béaloideas a chuala sé, agus eile, a shuíomh ina gcomhthéacs ceart? Is eol dúinn go raibh Seán Ó Cléirigh ag cóipeáil an leabhair seo in 1823: caithfidh sé go bhfaca sé an ginealach seo, mar sin, agus is i gceann de na cóipeanna sin, LN G87, a chasann muid le cóip den ghingeach óna láimh féin den chéad uair.

Pedigrees, the Book of Invasions, the Life of Red Hugh O'Donnell, the Amhra Choluim Chille, and Triallam timcheall na Fodhla, which were brought to Dublin by my father in 1817. He lent these books to the late Mr. Edward O'Reilly ... Little did Cucogry think that these very books, on which he set so high a value, as is seen by his own Will, would ever, by such means, pass out of the hands of his descendants. My father still has a copy, which he made himself, of the Book of Pedigrees, and he has also some of the very books which belonged to Cucogry.<sup>2291</sup>

D'aithin Seán Ó Donnabháin ceithre cinn de na lámhscríbhinní thuas,<sup>2292</sup> agus ba eisean a chuir i gcló den chéad uair gurbh é an Cú Choigcríche mac Lughaidh Uí Chléirigh, a luaitear i nginealach Sheáin Uí Chléirigh, an té a ghraf na lámhscríbhinní seo, agus an té a áirítear mar dhuine de na Ceithre Máistrí (O'Donovan 1844: 396). Mar thoradh ar an dianstaidéar a rinne sé ar scríbhinní na gCeithre Máistrí, chruthaigh Pól Breathnach<sup>2293</sup> ar dtús gur mhac le Diarmaid Ó Cléirigh an Cú Choigcríche Ó Cléirigh a raibh páirt aige i dtiomsú na n-annála sin (Breathnach 1934a: 129). Léirigh sé fosta gur dóigh go raibh mearbhall éigin ar Sheán Ó Cléirigh faoina ghinealas féin (Breathnach 1957: 16), sa dóigh nach cosúil go raibh a leithéid de dhuine, Cú Choigcríche mac Lughaidh, ann riamh.<sup>2294</sup> Tá glacadh leis anois, ar ndóigh, gurbh aon duine amháin Cú Choigcríche na n-annála agus an scoláire a scríobh na lámhscríbhinní a thug Seán Ó Cléirigh leis go Baile Átha Cliath in 1817 (Breathnach 1996: 16; 2013: 12-14). Ba leor d'Ó Lochlainn (1942a: 135) an fógra báis a scríobhadh ar Sheán Ó Cléirigh, agus a cuireadh i gcló

---

<sup>2291</sup> O'Donovan (1844: 397). D'fhág mé ar lár anseo an plé a dhéanann sé ar an dóigh a bhfuair Edward O'Reilly seilbh ar na lámhscríbhinní. Gheofar cuntas air seo in Ó Mórdha (1986a) agus in Sharpe (2015).

<sup>2292</sup> Siúd iad na lámhscríbhinní agus an cuntas a thugtar orthu sa litir thuas: ARÉ 23D17 (790)—‘the Book of Pedigrees’, ARÉ 23K32 (617)—‘the Book of Invasions’, ARÉ 23P24 (138)—‘the Life of Red Hugh O'Donnell’, ARÉ 23N28 (137)—‘Triallam timcheall na Fodhla’ (an chéad dán sa lámhscríbhinn; tugann O'Donovan (1856: xxviii) ‘the topographical poems of O Dugan and O Heerin’ uirthi ina dhiaidh sin). Tháinig Pól Breathnach (1935b: 66) ar lámhscríbhinn eile leis, LN G131, ach táthar tar éis a thaispeánt gur cuid de ARÉ 23N28 (137) í LN G131, *N.L.I. Cat.*, vi, 51-2; féach Breathnach (2013: 12-14). Maidir leis an gcúigiú lámhscríbhinn a luaitear sa litir, ‘the Amhra Choluim Chille’, tá sí le ceangal le LN G50, ach féach Breathnach (2013: 14 n.38).

<sup>2293</sup> Chuir sé baile mhór alt le chéile ar na Ceithre Máistrí, ach is iad Breathnach (1934a; 1935b; 1957: 15-16) na cinn is tábhachtaí ó thaobh scéal Sheáin Uí Chléirigh de.

<sup>2294</sup> Féach nóta 2290 thuas.

ar an *Drogheda Argus*, a lua le hamhras a chaitheamh ar an scéal uilig a thugann Seán Ó Cléirigh dúinn: ‘On Monday, 28th December, 1846, at 10 Hamilton-row, Dublin, John O’Clery, the representative of the branch of his name, aged 72 years. He was the son of Patrick, son of Cosnamhach, son of Cairbre, son of Diarmid, son of Cucogry O’Clery, one of the Four Masters who died in 1664’.<sup>2295</sup> Is féidir, áfach, go bhfuil an t-eolas sin uilig san fhógra sin ceart, agus ní gá dúinn amhras a chaitheamh ar an gcéad chúpla glúin den ghinealach, cibé rud é: bhí Seán eolach go leor faoi dhátaí breithe agus báis a athar agus a sheanathar, agus is cosúil go raibh páirt aige le Cú Choigcríche Ó Cléirigh (mac Diarmada), óir fágadh a chuid lámhscríbhinní le huacht aige. Is ábhar spéise nach bhfuil leid ar bith againn gur chreid Seán riamh gurbh aon duine amháin Cú Choigcríche Ó Cléirigh, an scoláire a scríobh na lámhscríbhinní a bhí ina sheilbh, agus Cú Choigcríche na n-annála, nó gur thosaigh Seán Ó Donnabháin ar thaighde a dhéanamh dá leabhar. Is ina dhiaidh sin amháin a fhaigheann muid baill dá theaghlach á mhaíomh go raibh páirt acu le duine de na Ceithre Máistrí, agus sin tar éis bhás Sheáin amháin.<sup>2296</sup> Rud eile, ach go bhfuil sé suarach lena rá fosta, is ea go dtugadh Seán John O’Cleary air féin, go bhfios dúinn, go dtí gur cuireadh leabhar Uí Dhonnabháin i bprionta; ghlac sé ‘John O’Clery’ chuige ina dhiaidh sin.<sup>2297</sup> Cibé rud é, is léir gur choinnigh sé slán cnuasach tábhachtach lámhscríbhinní nach mbeadh againn inniu murach é, toisc a mhéad lámhscríbhinní a cailleadh i gCo. an Chabháin, agus sa dúiche thart faoi sin, sa dara leath den 19ú hAois.

---

<sup>2295</sup> *Drogheda Argus*, an 16 Eanáir 1847. Tá an fógra báis seo i gcló in Ó Lochlainn (1942: 135).

<sup>2296</sup> Féach an fógra báis a tugadh cheana i gcorp an chuntais seo, agus an cuntas ar lámhscríbhinn chaillte le John T. O’Clery i nóta 2317.

<sup>2297</sup> Féach an colafon a thugtar i nóta 2314 ó lámhscríbhinn a grafadh (i bhfad) i ndiaidh na bliana 1824.



Tá sé d'ádh orainn gur chuir Seán Ó Donnabháin spéis i ngeinealas Sheáin, óir d'fhág sé mórán eolais faoina bheatha nach bhfuil ar fáil i dtaifid pharóiste Dhroing, áit nach dtosaíonn na leabhair baistí go dtí an bhliain 1847. Phós Seán Alice Smith sa bhliain 1812, nó thart air sin, agus rugadh seisear páistí dóibh (O'Donovan 1844: 397) idir sin agus c.1823. Mhair beirt acu: Anne O'Cleary (c.1817-1846), agus John T. O'Clery (c.1823-1849). Bliain tar éis bhás a athar,<sup>2298</sup> bhog Seán agus a theaghlach go Baile Átha Cliath in 1817, agus thug siad leo na lámhscríbhinní sin. Na saothair atá againn ó láimh Sheáin é féin, grafadh iad uilig i mBaile Átha Cliath ón mbliain 1821 ar aghaidh,<sup>2299</sup> agus é ag tarraingt ar leabhair Con Choigcríche<sup>2300</sup> i gcás ARÉ 23P4 (975), a grafadh in 1823, agus LN G87. Tharraing sé ar lámhscríbhinn leis an scríobhaí Muimhneach, Mícheál Ó Cathasaigh, agus é ag scríobh COC M1 (1) sa bhliain 1825,<sup>2301</sup> agus ar leabhar eile ar bhreac Séamus Bacach Mhag Uidhir sa bhliain 1746 í—mar a insíonn sé dúinn—nuair a bhí sé ag scríobh codanna de ARÉ 23M5 (66), a cuireadh i gcrích, de réir dealraimh, sa bhliain 1838.<sup>2302</sup> Deir Eoghan Ó Comhraí gur 'gate-clerk' é Seán Ó Cléirigh ag na hoibreacha gáis in Great Brunswick St. (O'Curry 1861: 179). Cailleadh a iníon Anne O'Cleary i mí Mheán Fómhair 1846, in aois a 29 mbliana, agus adhlacadh í i Reilig Ghlas Naíon.<sup>2303</sup> Idir an t-am ar cailleadh í agus deireadh na bliana sin, dealraíonn sé

<sup>2298</sup> Deirtear gur cailleadh Pádraig Ó Cléirigh in 1816 in O'Donovan (1844: 397), agus gur adhlacadh é i bparóiste Dhroing, Co. an Chabháin. Níl taifid, mar a dúradh thuas, ar fáil don pharóiste go dtí an bhliain 1847, tuairim is tríocha bliain ina dhiaidh sin. Tá na taifid do na tréimhsí 1803-14, 1826-49 istigh le cláir baistí agus póstaí Kilsherdany (atá scartha ó pharóiste Dhroing i gcóras na bparóistí Caitliceacha), ach níl aon rud inspéise iontu, chomh fada agus a thuigim an scéal. [Níl leagan sásúil Gaeilge den log *Kilsherdany* ar eolas agam].

<sup>2299</sup> Féach an liosta lámhscríbhinní thuas. Ní dóigh liom gur grafadh aon cheann acu roimh an mbliain 1817, an bhliain ar bhog Seán, a bhean, agus a bpáistí go Baile Átha Cliath.

<sup>2300</sup> ARÉ 23D17 (790).

<sup>2301</sup> Baineadh beagán de COC M1 (1) as ARÉ 23G5 (681); féach an colafon in COC M1 (1), lch 203, agus Ó Conchúir (1991: 1).

<sup>2302</sup> Féach nóta 2286 thuas.

<sup>2303</sup> *Cláir na nAdhlacthaí, Mount Prospect Cemetery* (.i. Reilig Ghlas Naíon), *Glas Naíon*. Pléadh taifid na reilige seo i nóta 1768.

Cláruimhir—W75155. Anne O'Clery, Gt. Brunswick St., a adhlacadh an 25 Meán Fómhair 1846, in aois a 29 mbliana, sa Ghairdín, plota Ae73.

gur aistrigh an teaghlach ó Great Brunswick St. go 10 Hamilton Row. Níorbh fhada nó go raibh Seán é féin san uaigh chéanna léi; fuair sé bás cúpla seachtain ina dhiaidh sin, ar an 28 Nollaig 1846, agus é tuairim is 72 bhliain d'aois.<sup>2304</sup> Má tógadh leacht ar an uaigh, bhí sí imithe an tráth ar aimsigh Helen Ryan (1944) an plota. Cuireadh fógra báis gairid i gcló ar an *Drogheda Argus*,<sup>2305</sup> maille le cuntas fada ar a bheatha, agus ar a chuid lámhscríbhinní, ar an *Freeman's Journal*. Scoláire Gaeilge anaithnid de chuid na tréimhse sin a scríobh, is cinnte.

DIED, On Monday, 28th December, 1846, at 10, Hamilton-row, Dublin, John O'Clery, the representative of the eldest branch of his name, aged 72 years[.] He was the son of Patrick, son of Cosnamhach, son of Cairbre, son of Diarmid, son of Cucogry O'Clery, one of the Four Masters, who died in 1664[.]

On John O'Clery's coming to Dublin, in 1817, his acquaintance was sought by all scholars of Irish literature—an excellent scribe, and scholar of the vernacular language, he brought with him several manuscripts which belonged to his ancestors; these, nad [*sic*] his own writings, became, and still continue, standards for imitation[.] Without a superior in a general knowledge of Irish, he was unequalled as a genealogist of the old families. It might be truly asserted that the anxiety now so universal about our native tongue, and the preservation of the remnants of our antiquities owes its origin principally to the circumstance of O'Clery's having come to Dublin[.] Assiduous in the performance of every duty—happy and content with very narrow means—he was loved and esteemed by all who knew him, uniting the simplicity of a child with the intelligence of a sage, he was, in truth, an honest man of our olden and better times. He made a large copy of Cucogry O'Clery's *Book of Pedigrees*, which, together with some other valuable Irish MSS., is now in the possession of his son, John T. O'Clery, who writes and copies the Irish in that beautiful hand which seems an heirloom in the family—it is, alas! their only inheritance[.]

The writer of these hasty lines, though a late acquaintance, loved his old friend sincerely. He refers the curious about matters of Irish lore to page 397

---

<sup>2304</sup> *Cláir na nAdhlactaí, Mount Prospect Cemetery* (i. Reilig Ghlas Naíon), *Glas Naíon*. Féach nóta 1768 thuas.

Cláruimhir—W76505. John O'Clery, Hamilton Row, a adhlacadh an 30 Nollaig 1846, in aois a 72 bhliain, sa Ghairdín, plota Ae73.

<sup>2305</sup> Rud a tugadh i gcorp an chuntais thuas.

of the *Genealogies, &c[.], &c. of Hy Fiachrach*, published by the Irish Archaeological Society, and to No[.] 29 of the *Irish Penny Journal*[.]

O'Clery has left an aged widow totally unprovided for.<sup>2306</sup>

**2.136. Tomás Ó Cléirigh, c.1641-1730(?)**

[Thomas Clery]

**C Add. 3082 (7).** Blogh di.<sup>2307</sup> Autograf. 1703.

Is éard atá sa bhlogh seo—atá istigh le duilleoga fáin eile ar a bhfuil scríofa dánta ar mhuintir Raghallaigh—autograf, ceaptar, de dhán a chum an tAth. Tomás Ó Cléirigh sa bhliain 1703. Is ar shagart paróiste Chill Anna, Co. an Chabháin, a thráchtar anseo, ar ndóigh, an té a cheap an dán clúiteach ar an ngúta, *Gabh mo chomhairle, a chara*.<sup>2308</sup> Foilsíodh cúpla dán eile<sup>2309</sup> leis in Carney (1950); cumadh ceann acu sa bhliain 1715 ar a luaithe.<sup>2310</sup> Deirtear i nóta ar imeall duilleoige sa lámhscríbhinn chéanna, C Add. 3082 (7), gur éag Father Thomas Clery éigin, mac le Hugh Clery, ar an 16 Feabhra 1729[/30],<sup>2311</sup> tagairt a gceanglaíonn de Brún & Herbert (1986: 9 col. a) í leis an gcléireach féin.

Is beag atá ar eolas againn faoi na blianta luatha dá shaol, ach a bhfuil ar *Liosta*

*Cláraithe* na bliana 1704, is é sin, go raibh an tAth. Tomás tuairim agus 63 bliana

---

<sup>2306</sup> *Freeman's Journal*, 9 Eanáir 1847. Is léir gur bunaíodh an t-eolas uilig a thugtar ann, geall leis, ar O'Donovan (1844: 397).

<sup>2307</sup> Tagraítear dá ainm i dteideal an téacs amháin, ach ó tharla gur grafadh an chóip sa bhliain ar ceapadh an dán, is dócha go bhfuil sí i bpeannaireacht an údair.

<sup>2308</sup> Féach nóta 2309.

<sup>2309</sup> Tá ar fáil trí dhán, go bhfios dom, ar féidir iad a leagan air:

(a) *As tuirseach gan dáil chabhra*. Mairgne ar Philib Óg Ó Raghallaigh (*ob.*1703). I gcló in Carney (1950: 111).

(b) *Do chaill an Cabhán a bhláth*, a cumadh 1715. I gcló in Laoide (1914: 8), Carney (1950: 147).

(c) 'Leigheas an Ghúta', *Gabh mo chomhairle, a chara*, nó *Aithne dham do ghalar*. Féach go gceanglaítear an saothar leis an tAth. Tomás Ó Cléirigh, 'sagart porraiste Chille Anna a cContae an Chabháin' in LB Eg. 127, f. 20.

Leag Laoide (1914: 5) an dán *Lá dá raibh Rudhraidhe ag tóraidheacht chreach* air, ach thaispeáin Carney (1950: 235) nach bhfuil bunús leis sin.

<sup>2310</sup> Féach nóta 2309, dán (b).

<sup>2311</sup> Tá nótaí ar bhail de mhuintir Chléirigh in C Add. 3082 (7), f. 9v, agus ar mhuintir Raghallaigh ar f. 10v, an ceann seo ina measc: '... Pray for the Soule of Father Thomas Clery \son to Hugh Clery/ who / Dyed February y<sup>e</sup> 16<sup>th</sup>, 1729', f. 9v. Tugtar na sleachta ina n-íomláine in de Brún & Herbert (1986: 9 col. b – 10 col. a).

d’aois an tráth sin, agus gur oirníodh i mBaile Átha Cliath é sa bhliain 1677 (O’Connell 1937: 468).<sup>2312</sup> Tugtar an *Rev. Thomas Clery* air sa liosta sin. Ní féidir gur ceart an dáta oirnithe seo, áfach, óir is sa bhliain 1675 a luaitear an tAth. Tomás den chéad uair mar shagart i gCill Anna, nuair a chuir sé a ainm le hachainí faoi ruaigeadh Thomáis Mhic Shíomóin as a phost i nDeoise na Cille Móire.<sup>2313</sup> Bhí sé lonnaithe sa pharóiste céanna—i gCurchais go beacht—agus é i gceannas air, sa bhliain 1704, ar ndóigh, nuair a cláraíodh é (O’Connell 1937: 468). Tagraítear dó arís a bheith ina shagart paróiste ann i bpáipéar a cuireadh chuig an *Propaganda* an 27 Meán Fómhair 1715 (Traynor 1971: 206). Ón mbliain sin amach go dtí lá a bháis, an 16 Feabhra 1729[30], más ceart sin, ní heol dom tagairt eile a bheith againn don Ath. Tomás Ó Cléirigh i dtaifid na Deoise, a bhfuil againn díobh, ach is dóigh gur chaith sé na blianta deiridh dá shaol i gCill Anna, óir is minic a thugtar ‘sagart paróiste Chill Anna’ mar ghluais lena ainm i gcóipeanna den dán is mó a thuill clú dó, *Gabh mo chomhairle, a chara*.

### 2.137. John T. O’Clery, c.1823-1849

**ARÉ 2301 (65).** Bloghanna di.<sup>2314</sup> Codanna de ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’. *Marcanna uisce*: 1824-5.

<sup>2312</sup> Féach an sliocht as *Liosta Cláraithe* na bliana 1704, rud atá i gcló in O’Connell (1937: 468).

<sup>2313</sup> Tugtar ‘Thomas Clery p. de Killana’ air san achainí, lena ngabhann an dáta 23 Aibreán 1675. Gheofar cóip de in Brady (1960: 216-20), agus insint dhíreach spéisiúil ar na heachtraí ab ábhar leis seo in MacKiernan (2001), áit a gceistítear iontaofacht an liosta achainíoch, toisc nach bhfuil againn ach cóip de na sínithe anois (MacKiernan 2001: 329). Más fíor gur achainí bréige seo, agus ní dócha gur fíor, is dóigh gur féidir linn a chreidiúint go raibh an tAth. Tomás Ó Cléirigh lonnaithe sa pharóiste an lá sin, óir bheadh an brionnóir ag iarraidh an scéal a bheith ina cheart. Ba ón bhfoinse chéanna agus ó dhán (*b*), dá ndéantar tagairt i nóta 2309 thuas, a fuair Ó Mórdha (1982: 48) a chuid dátaí, 1675 agus 1715.

<sup>2314</sup> De réir mar is féidir liom a dhéanamh amach, scríobh John T. O’Clery an chuid is mó den lámhscríbhinn ó lch 81 amach, seachas codanna de lgh 84, 88-9, 93. Ag deireadh an téacs, tá nóta i bpeannaireacht a athar, Seán Ó Cléirigh, a scríobh an chuid eile den leabhar: ‘Scríobhtha re Seaghan Ó Cleirigh. Finish by John O Cleary Junr’. Léadh seo go contráilte san *R.I.A. Cat.*, 188: ‘Scribe: *Seán Ó Cléirigh* (see p. 5, etc.), otherwise *John O’Cleary, Junr.* (see p. 95)’.

Is dóigh gur rugadh an scríobhaí seo, ar mhac le Seán Ó Cléirigh (*q.v.*) é, i mBaile Átha Cliath tuairim na bliana 1823.<sup>2315</sup> B'fhearr mar ghrafnóir é ná a athair féin, mar a thaispeánann an t-aon lámhscríbhinn ina lámh atá againn go fóill, agus í scríofa i bpeannaireacht mhaith thréan i bpáirt leis. Ba é John T. O'Clery, mar a chonacthas cheana sa chuntas ar a athair i gCaib. 2.135, a scríobh an litir chuig Seán Ó Donnabháin ag 37 Sr. Nassau, Baile Átha Cliath, ar an 12 Feabhra 1842, inar tráchtadh ar lámhscríbhinní Con Choigríche Uí Chléirigh. Tháinig cuid mhaith de na lámhscríbhinní a scríobh a athair i seilbh John T. tar éis a bháis, agus seanlámhscríbhinn amháin de chuid na 17ú hAoise, ARÉ 23D2 (132), ar a laghad.<sup>2316</sup> Diomaite de sin, ní léir gur scríobh John T. O'Clery mórán riamh. Bhí lámhscríbhinn eile leis, a breacadh in 1848, nuair a bhí a chuid sláinte á thréigean, i seilbh Miss MacGeehin éigin ón gCabán sa bhliain 1947, cé nach féidir teacht uirthi anois.<sup>2317</sup> Ag deireadh na bliana 1849, ag tús mhí Mheán Fómhair, nuair a bhí John T. beo bocht, ina chónaí lena mháthair, Alice O'Clery (iníon Smith), i Muirfean, agus ar thairseach an bháis leis an eitinn, cuireadh an litir seo faoi bhráid an phobail ar an *Freeman's Journal*:

THE LAST REPRESENTATIVE OF THE O'CLERYS, THE IRISH ANNALISTS  
TO THE EDITOR OF THE FREEMAN.

SIR—It is indeed painful to be compelled to have to publish the sufferings of any individual among our numerous victims of sickness and destitution; but when the sufferer has not long since moved in a respectable sphere, and been

---

<sup>2315</sup> Theip orm a theastas baiste a aimsiú i gcláir baistí na bparóistí uirbeacha faoi (O')Cle(a)ry agus Clark(e), rud atá aisteach, óir tá na taifid measartha iomlán (ach amháin nach dtosaíonn na taifid i Ráth Maoinis go dtí an bhliain 1823). Bhí a thuismitheoirí i mBaile Átha Cliath ó 1817 ar aghaidh, agus níor aimsigh mé teastas baiste a dheirfear Anne fosta, a rugadh c.1817. Tugtar John O'Clery, Jr. air i bhformhór na gcuntas atá ar fáil faoi, ach léiríonn tuairisc bháis a athar (atá i gcló i gCaib. 2.135 thuas) gurbh é John T. O'Clery an t-ainm iomlán a bhí aige.

<sup>2316</sup> Féach a shíniú ('John T. O'Clery'), maille leis an dáta 1847, ar fhorghuilleog ARÉ 23D2 (132).

<sup>2317</sup> Ábhar Béarla a bhí sa lámhscríbhinn seo den chuid ba mhó, de réir chuntas Uí Lochlainn (1947). Féach an nóta seo uaidh: 'The writing throughout is rather poor and shaky, and there are many faults in spelling' (Ó Lochlainn 1947: 43).

comfortable, the exposure must greatly augment his suffering. This is bad enough, but not equal to what the individual, whose name I must not conceal, suffers from disease and want of the common necessities of life.

Many highly respectable persons will recognise the name and feel for his distress. Mr. John O’Clery, the young, the only living representative of the learned and indefatigable collectors of materials for and writers of that noble historical work, “The Annals of the Four Masters,” is laid on his bed, labouring under a wasting consumption. He was unable to hold his situation, and being destitute of any other means of support, was forced to part with every article of furniture and clothing in his and his mother’s possession. His gentle, bashful heart would not allow him to make his distress known; but I saw a letter from him to a friend, which contained the melancholy intelligence. I was so shocked that, following up the enquiry, I found the reality much worse—he is on his bed of sickness, suffering from destitution! I trust that details are unnecessary, and that the respectable citizens of Dublin will not suffer this young man to perish of famine among them.

It is hoped that the editor will kindly undertake to receive any subscriptions that may offer.

I am, Sir, yours,

N. K.<sup>2318</sup>

Fuair sé bás i mí na Samhna 1849, agus adhlacadh é i Reilig Ghlas Naíon.<sup>2319</sup> Theip orm tuairisc a fháil ar a mháthair i ndiaidh an dáta sin.

---

<sup>2318</sup> *Freeman’s Journal*, an 7 Meán Fómhair 1849. N[icholas] K[earney] a scríobh, gan amhras.

Foilsíodh an nóta míchruinn seo ar an bpáipéar céanna roinnt seachtainí ina dhiaidh sin: ‘A sum of ten shillings has been received at this office from a donor, who signs himself “W. B.,” in aid of the fund being raised for Mr. John O’Clery. Mr. O’Clery is the descendant of an ancient Irish family, and son to the translator of the celebrated “Annals of the Four Masters.”’ *Freeman’s Journal*, an 23 Deireadh Fómhair 1849. Is dóigh gurbh é William Betham a thug an t-airgead seo.

<sup>2319</sup> *Cláir na nAdhlacthaí, Mount Prospect Cemetery* (.i. Reilig Ghlas Naíon), *Glas Naíon*. Féach nóta 1768 thuas.

Cláruimhir—W91457. John O’Cleary, Muirfean, a adhlacadh an 16 Samhain 1849, in aois a 26 bliana sa Ghairdín, plota Ae73.

## 2.138. Aodh Ó Cobhthaigh, fl.1710

ÓEG H37. Cuid di.<sup>2320</sup> ‘Tráchtadh Beag ar Phrosóid na Gaeilge dá

nGoirthear “Filidheacht nó Fearacht Dána”, ‘Ealadha an Dána

Ghaoidheilge’. Baile Roibeaird, An Iarmhí<sup>2321</sup> 1710.<sup>2322</sup>

---

<sup>2320</sup> Tá déantús neamhghnách ag an gcomhleabhar seo, agus níor mhiste trácht air anseo. Leag Áine de Búrca na lámha amach mar seo a leanas, nuair a bhí sí ag clárú lámhscríbhinní de hÍde:

‘The manuscript is the work of 3 scribes. Pp. 1-115 I would assign to the first, whose name is found on p. 69: “Go ccongna in Tigherna a sláinte anoma 7 cuirp agus a neagna le gach áon da leighfe an teaglomsa ghuidhfeas go caoindúthrachtach ar an tí ro sgríobh .i. Aodh Ó Cobhthaigh ó Bhaile Risteáird ar Iarthairmhidhe 1710” etc. ... Pp. 123-126 are in a different hand, & on p. 123, the scribe has written “Mar do scriobhadh do Mhuirchertach O hAoidhláin ...” Pages 126-232 were written by Lawrence Hyland...’, *de Búrca Cat.*, 918-19.

Is beag difear, ó thaobh na peannaireachta, atá idir na leathanaigh a leagtar ar Aodh Ó Cobhthaigh agus ar Labhrach Mac Cdhmill [= Lawrence Hyland] anseo, ag tús an leabhair ar a laghad, cé go n-athraíonn an stíl pheannaireachta sa chuid a fhágtar ar Labhrach Mac Cdhmill go pointe áirithe: éiríonn sí i bhfad níos lú de réir a chéile. Na leathanaigh a luadh le Muircheartach Ó hAoidhláin ar dtús, thug Ó Fágáin (1985: 155) faoi deara tamall ó shin go bhfuil an colafon ina dtugtar a ainm débhríoch, agus gur féidir gurbh é pátrún an leabhair é Muircheartach. Tá plé déanta ar cholafoin den sórt seo i gCaib. 1.2.1, colafoin 8, 15, 16.

Stadann an chéad lámh, lenar chuir Aodh Ó Cobhthaigh (lgh 69, 107) a ainm, i lár lch 113. Ar an leath íochtarach den leathanach seo, agus ar lgh 116-17, tá scríbhneoir eile tar éis rainn fáin a bhreacadh, ionann is go raibh sé ag iarraidh an bán a líonadh. Is leor sracfhéachaint a thabhairt ar an bpeannaireacht le bheith sásta gur scríobh Aodh Ó Dálaigh na bloghanna seo, mar aon leis na giotaí atá ar lgh 2, 233. Fágadh lgh 118-22 bán ach gur ríomhadh i ndúch iad, mar a rinneadh le gach leathanach eile sa lámhscríbhinn, am éigin san 18ú hAois nó sa 19ú hAois. Tosaíonn an chéad pháosa eile, *Fíoreagna, no an Smuail[n]eadh is Cóir don Chríostduíghe a Dheanamh Gách Áon Lá don tSeachtmhuin*, ar lch 123. Stadann *Fíoreagna* ar lch 232. Is ionann peannaireacht lch 123 agus peannaireacht sho-aitheanta Aodha Uí Dhálaigh, is dóigh, cé nach dtuigfí sin as an gcolafon a thugtar ar an leathanach sin, ‘Agas mar an gceadna mair do scriobhadh do Mhuircheartach Ó hAoidhláin an triughadh lá fíothad do mhíde an nOibrán an b[h]liaghain d’Aois an Tighearna 1725...’ Ní hé sin an t-aon fhadhb a bhaineann leis an gcolafon sin. (Gheofar an litriú aisteach ‘Oibrán’ i gcolafon i lámhscríbhinn dhéanach de chuid Aodha Uí Dhálaigh, CT H.1.6 (1280), f. 14). Leanann an lámh seo ar aghaidh go dtí lch 126.2; tosaíonn lámh eile ag lch 126.3 a leagann Áine de Búrca ar Labhrach Mac Cdhmill, cé gur maith is féidir gur scríobh Aodh Ó Cobhthaigh na leathanaigh seo. I dtreo dheireadh na lámhscríbhinne, tuairim is fiche leathanach ón deireadh, éiríonn an pheannaireacht níos lú agus néata, go dtí deireadh an leabhair, áit a ndeirtear i gcolafon (ar lch 232) gur scríobhadh na leathnaigh seo aon bhliain déag roimh a bhfuil ar lgh 123-6 (ar a bhfuil tús an tsaothair seo scríofa): ‘Ave Maria & ag so crith an labhair so mair do sgríobh Labhrach Mac Cdhmill fiththidh la don October an bhlighain Chríost 1714, 7 an sechtm[h]adh b(h)lighain deag da aois, agus guidhim gach áon da leafa ’bheannacht do t[h]abhairt re hanam an sgríobhneora. Finit. Lawrence Hyland’, OÉG H37, lch 232. Bheadh sé le tuiscint ón méid sin gur grafadh tús na *Fíoreagna* sa bhliain 1725, agus gur scoireadh den scríobh sa bhliain 1714. Is maith is féidir go raibh an ceart ag de Búrca sa chuntas a thug sí ar dháileadh na lámh. Scríobh lámh eile cuid de lch 127. Toisc go bhfuil lch 126 agus cuid de lch 127 scríofa i lámh na bliana 1725, agus go bhfuil an chuid eile de lch 127 sa phríomhlámh, a scríobhadh, de réir loighice, roimh lch 232 .i. sa bhliain 1714 nó roimhe sin, tagann de sin nach féidir go raibh lámh 1725 ag athscríobh duilleoige a sracadh chun siúil, ach ní gá go bhfuil na dátaí mícheart. Míniú amháin ar an scéal is ea nár scríobh Labhrach Mac Cdhmill oiread na fríde de lgh 127-232, ach go raibh an scríobhaí, cibé duine é, ag tarraingt ar leabhar a scríobh Labhrach, gur atáirg an scríobhaí sin a cholafon go meicniúil ag deireadh na lámhscríbhinne. Is dóigh gur síniú ceart, áfach, an síniú Béarla ‘Lawrence Hyland’ ar lch 232. Is é an réiteach is fearr atá agam air seo gurbh é Labhrach a scríobh lgh 127-232, agus gur fhág Labhrach lgh 114-126 bán (tá lgh 118-122 fós bán) óir bhí an fhoinsé a bhí roimhe easnamhach. Thuigfí ó chuid de na botúin ar lch 127 nár fhéad sé cuid den téacs a bhí roimhe a léamh gan mórán dua, rud a thabharfadh le fios dúinn go raibh eiseamláir fheoite

Bhí an scríobhaí seo nasctha le scoil Thaidhg Uí Neachtain, agus tagraítear dó sa dán

*Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn:*

Aodh Ua Cobhthaidh an chroidhe ceirt,  
an t-ionmhuin fíor uasal ionnraic;  
ós críoch Írmidhe ghluais an fear,  
an Gaedhul saothach, is an seanchadh.<sup>2323</sup>

Is beag eile atá ar eolas faoi, ámh. Cóipeáladh a chuid de OÉG H37 ó lámhscríbhinn a ghraf Seán Ó Súilleabháin (*fl.*1699-1704),<sup>2324</sup> agus is air a chuireann Aodh an locht faoina thruaillithe is atá an dá phrosóid. Cibé acu is fíor sin nó nach fíor, tugann nóta Aodha le fios dúinn gur dóigh go raibh baint aige le scríobhaithe scoil Thaidhg Uí Neachtain chomh luath leis an mbliain 1710, tharla go raibh cóipeanna den saothar céanna á ndéanamh ag baill eile den scoil thart faoin am sin, agus go raibh ceangal éigin ag Seán Ó Súilleabháin leis an scoil. Is féidir gur cuireadh OÉG H37 uilig le chéile i mBaile Átha Cliath. Ba bheag an meas a bhí ag Dubhglas de hÍde ar a chumas scríbhneoireachta.<sup>2325</sup>

---

roimhe. Fágann sin go bhfuil fadhb amháin eile le réiteach: cén fáth ar fhág sé barr lch 127 bán (tosaíonn peannaireacht Labhraigh ag lch 127.3) nuair a bhí breis agus dosaen leathanach fágtha bán cheana féin aige, más fíor gur fhág sé bearna d'aon ghnó don ábhar nach raibh rochtain aige air, mar a tuairimíodh cheana? Má dhéanann muid imill uachtaracha na leathanach a scrúdú, tchífeadh go bhfuil lch 127.3 (an chéad líne i láimh Labhraigh) chomh fada síos an leathanach leis an gcéad líne ar an leathanach atá os a chomhair, lch 128. Is spéisiúil go n-éiríonn peannaireacht scríobhaí 1725 níos lú de réir a chéile, agus is féidir go raibh an scríobhaí sin [? Aodh Ó Dálaigh] gann ar spás ag an deireadh, gurbh éigean dó cúpla líne a scríobh isteach ar imeall lch 127, ag críochnú leis na briathra *et cetera*, leid go bhféadfadh sé go bhfuil cuid den téacs fágtha ar lár aige. Ar an drochuair, níl cóip eile d'aistriúchán na bliana 1703 de *La Vera Sapienza* ar fáil lena bhféadfaí an chóip seo a chur i gcomórtas.

<sup>2321</sup> 'Of Aodh O Cobhthaigh, ... I know nothing, but his place of writing, Baile Ristéaird [*sic*], in Westmeath, was very probably the Richardstown mentioned in Inquisition 150 of the reign of Charles I relating to the county. The facts narrated in the inquisition indicate that the place was in the barony of Rathconrath' (Breathnach 1933a: 35).

<sup>2322</sup> Deirtear ar chlúdach na lámhscríbhinne seo gur scríobhadh cuid di sa bhliain 1703, ach is léir gur dáta cumtha na *Fioeagna* atá i gceist anseo; féach nóta 2320 thuas.

<sup>2323</sup> O'Rahilly (1913a: 160); Harrison (1988: 137).

<sup>2324</sup> Féach an nóta ar lch 108 sa lámhscríbhinn, áit a ndéanann Aodh gearán faoi lámhscríbhinn Sheáin Uí Shúilleabháin.

<sup>2325</sup> 'B'olc an sgríobhuidhe Aodh Ó Cobhthaigh agus is follus nár thuig sé go minic an rud do bhí sé 'sgríobhadh' (de hÍde 1932: 143 n.6). Is nósanna litrithe na tréimhse iad an chuid is mó de na botúin a luann de hÍde sna nótaí, áfach.



## 2.139. Mícheál Ó Collaidh,<sup>2326</sup> fl.1733

CMPL 2. ‘An Scáthán Spioradálta’. 1733.

Tá lorg maith láimhe ag an scríobhaí seo. Tuairimíodh cheana go mbaineann CMPL 2 le hoirthear Cho. na Mí (Ó Macháin 1991: 2), ar an ábhar go bhfuair Christopher Tieling, Baile an Bheileoglaigh, Co. na Mí, an lámhscríbhinn mar bhronntanas sa bhliain 1795 (nó roimhe sin) ón Ath. John Purfield (c.1695-1797), S.P. Dhamh Liag.<sup>2327</sup> Níl Damh Liag ach achar gearr ó Bhaile an Bheileoglaigh. Ó tharla go raibh an tAth. John Purfield ina shagart paróiste ar feadh tuairim is caoga bliain ann sular éirigh sé as a phost sa bhliain 1791, is dóigh go bhfuair sé an lámhscríbhinn sa chomharsanacht sin.

## 2.140. Seán Ó Conchubhair

ARÉ 23L18 (554). Formhór di. ‘Eachtra na gCuradh’, ‘Cogadh Chuinn agus Eoghain Mhóir’ [= ‘Cath Maighe Léana’].

Chreid an Dr Séamus Mhac Giolla Choille (*q.v.*), an té a dheisigh ARÉ 23L18 (554) sa bhliain 1820, go bhfuair an scríobhaí, Seán Ó Conchubhair, bás roimh an mbliain

---

<sup>2326</sup> Tugtar ainm an scríobhaí i gcolafon amháin ar lch 331, ‘Arna sgríob[h]a le Michael O Call~ [nó O Call~] an 23 la [d]’aois an Tig[h]earna, *cealaithe*] do mhí December 1733’. Seo cuntas Phádraig Uí Mhacháin air: ‘The reading is “O Call” with a suspension stroke and punctum taking the form of a flourish bisecting the two ascenders. One interpretation might be ‘O Calla(i)dh’. In the light of the connections with Duleek ... it is noteworthy that, in 1854, the surname Callan/Col(l)in occurs reasonably frequently in Griffith’s *Primary valuation* for the baronies of Duleek Upper and Duleek Lower, ... it is possible that the scribal signature represents a variety of this name ... The hand would appear to be different to that of Mic(h)ael (O) Callan(n), the main scribe of [COBÁC] Morris 13’ (1991: 2). B’fhearr le Pádraig de Brún *Ó Collaidh, Treoir.*, 68 §300, an leagan a thugtar thuas.

<sup>2327</sup> ‘The Gift of the Rev<sup>d</sup> Mr John Purfield, Vicar of Duleek. May God grant him peace and all th[e] faithfull and me grace to follow the instructions of this book. Amen. Ch<sup>t</sup> Tieling, Bellewstown, January 1<sup>st</sup>, 1795’. Bhí an tAth. John Purfield ina shagart paróiste ar Dhamh Liag sa tréimhse c.1744-1791. Gheofar cóip den iarratas a chuir sé chuig Easpag na Mí an 30 Bealtaine 1791, nuair ba mhian leis éirí as a chúraimí i nDamh Liag, in Cogan (1870: 191-2). D’éag sé an 28 Eanáir 1797. Chaith an lámhscríbhinn tréimhse i gCo. Chill Chainnigh [? sa 19ú hAois] fosta; féach Ó Macháin (1991: 13-14).

1760.<sup>2328</sup> Chuir an Dr Mac Giolla Choille dáta amhrasach, 1743, léi fosta.<sup>2329</sup> Bhain an Br. Pádraig Ó Brinn (*q.v.*) cuid mhaith d'ábhar MN R79 aisti, mar a chonacthas i gCaib. 2.115 thuas, agus é i mbun pinn idir 1780 agus 1781.<sup>2330</sup> Ba dhóigh le Jackson (1938: xiii) go raibh Donnchadh Mag Oireachtaigh ó Dhún gCuaile, Fochaird, Co. Lú, ag tarraingt ar lámhscríbhinn Sheáin sa bhliain 1792, nuair a chóipeáil sé 'Cath Maighe Léana' isteach in LB Add. 18746 do Shomhairle Ó Coltran.

---

<sup>2328</sup> Gheofar sampla de chaint na lámhscríbhinne in Ní Chléirigh (1941: 56-7 *n.1*).

<sup>2329</sup> D'athscríobh an Dr Séamus Mhac Giolla Choille tús an scéil 'Eachtra na gCuradh' (lgh 1-7) isteach in ARÉ 23L18 (554), agus chuir sé an dáta 'a mbladhain 1743' leis an gcolafon bunaidh, ina luaitear ainm an scríobhaí amháin, maille leis an nóta seo a leanas, ar lch 109: 'Ta se b[h]fad as cionn thrí fithchid bliadhain on trathsa o d'eag Seathan O Conchaibhar. Air mbeannacht leis go cathair na gloire, 1820. Agas is anois do cuireadh comhdach air so le Seamus Mhac Iollchoilleadh, do fuair é 'na bhraithe o Labhras O Mharcaidh 'na shasadh a náoi scilling' deag d'airgiod'. Bhí Jackson (1938: xii) in amhras faoin dáta sin fosta, b'fhéidir, '... 18th century (in 1743, according to a gloss written in 1820)'. D'fhéadfadh sé go deimhin go mbíodh an dáta sin le léamh ar cheann de na leathanaigh a d'athscríobh Séamus Mhac Giolla Choille (má ba ann dóibh in 1820 ar chor ar bith) ach tá na dátaí, 1714 agus 1726, a chuir sé le LN G869 chomh hamhrasach céanna, cé gur ghlac Ó Gallchóir (1971: 77) leis an dara ceann acu. B'fhéidir nár mhiste an cuntas a thug Charles Dillon (2013a: 122) ar LN G869 a thabhairt ag an bpointe seo: 'Ó Gallchóir [(1971: 77)] has dated NLI G869 to 1726, and takes the scribe to be one Aodh Ó Néill ... For the date 1726, and indeed for Aodh Ó Néill as scribe, we must rely on a colophon inserted significantly later than that date, on p. 113: *Seg Aodh Ua Néill Sgríbhneoir an leabhair seo an Iubhair Chinn Trágha an bhliadhain 1726. S. Mac Iol Choilleadh*. If the writer responsible for this colophon is the Dundalk poet and apothecary Dr James Woods (*c.* 1759-1828), the date can be called into question as it is doubtful that Woods can have known first hand that Ó Néill wrote the manuscript in Newry in 1726, some thirty years before his birth... Moreover, the colophon on p. 113 is in a tremulous and aged hand, placing it at a further remove from the date it purports to give...' Léim féin 'Deg' .i. 'D'éag' in ionad 'Seg', agus glacaim leis go raibh sé i gceist ag an Dr Mac Giolla Choille go bhfuair an scríbhneoir bás sa bhliain sin, tharla go bhfuil figiúr [?] dáta scríofa] eile, 1714, i ndúch déanach ag bun lch 74. Ní féidir a bheith cinnte gurbh é an Dr Mac Giolla Choille a chuir sin leis an lámhscríbhinn fosta, ach is léir, cibé rud é, nach féidir glacadh le 1714 mar dháta scríofa ná lena bhfuil sa cholafon, mar a dúirt Dillon (2013a) thuas. Ar an lámh eile, is féidir go raibh eolas faoin scríobhaí ar a ghar ag an Dr Mac Giolla Choille nach bhfuil ann anois. Ós eol dúinn go raibh scríobhaí eile darbh ainm Aodh Ó Néill (*q.v.*) ag saothrú in Iúr Chinn Trá sa dara leath den 18ú hAois, níor mhiste an chuid eile de chuntas Dillon a lua anseo: '... the Newry Aodh Ó Néill was probably known to Woods, and was the writer of other manuscripts including Morris ... 12 (1806) in University College, Dublin. ... However, my comparison of the sources shows separate hands to be responsible for Morris 12 and for NLI G869; this either points to a complete mistake by Woods, or to the existence of another, earlier Newry Aodh Ó Néill, perhaps a relative of the he who wrote Morris 12 in 1806' (Dillon 2013a: 122). Is dearbh ní amháin—go raibh trácht cluinte ag an Dr Mac Giolla Choille ar Aodh Ó Néill (*fl.* 1785-1807) toisc gur bhain COBÁC M12 lena chnuasach féin; féach an cuntas ar Aodh Ó Néill i gCaib. 2.197 thíos. Theip orm lámh LN G869 a aithint, agus níl rud ar bith sa lámhscríbhinn a bhréagnódh na dátaí a thug an Dr Séamus Mhac Giolla Choille go deimhin, ach is fearr a réiteodh an pheannaireacht in LN G869 agus a hábhar leis an tréimhse i ndiaidh 1730.

<sup>2330</sup> Nótaí san *M.N. Cat.*, iv, 96, 98.

2.141. Tomás Ó Conchubhair,<sup>2331</sup> fl.c.1812-24

[Thomas (O')Connor]

**COBÁC M14.** Laoithe fiannaíochta, dánta le Pádraig Mac a Liondain, Séathrún Céitinn, Eoghan Ruadh Mac an Bhaird, Risteard Pluincéad, Peadar Ó Doirnín, Séamus Mac Cuarta, Tomás Ó Bacacháin, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Brian Ó Cathaláin, ‘Duan Mór Uí Shiadhail’, ‘Ortha Mhuire’ ‘Moladh Mhuire’, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, Gréach na Ruag, Machaire Rois, Muineachán 1820, 1824.<sup>2332</sup>

Shíl Énrí Ó Muirgheasa (1916: 102; 1934: 447; 1936: 257) ar feadh tamaill gurbh ionann grafnóir an leabhair seo, Tomás mac Thomáis mhic Eoghain Uí Chonchubhair,<sup>2333</sup> agus Tomás na Suirbhéireachta (c.1812-1842)<sup>2334</sup>—mar a thugann Énrí Ó Muirgheasa é féin air<sup>2335</sup>—an Thomas O’Connor a chuidigh le Seán Ó Donnabháin ainmneacha bailte fearainn agus paróistí a bhailiú agus a shocrú don tSuirbhéireacht Ordanáis idir 1835 agus 1841. Thaispeáin Énrí Ó Muirgheasa (1937),<sup>2336</sup> in alt tábhachtach a scríobh sé cúpla bliain sular cailleadh é, áfach, gur mhac le scríobhaí COBÁC M14 é Tomás na Suirbhéireachta, ar údarás an tseanchais a chnuasaigh sé i nGréach na Ruag ó dhaoine a bhí muinteartha leis an scríobhaí.

Dealraíonn sé gur shíolraigh an teaghlach óna bhfuair sé an seanchas sin ó mhac eile

<sup>2331</sup> Bhaineadh an scríobhaí leas as an litriú foghrúil *Ao Confuir*, srl., taobh le litrithe éagsúla ar an ngnáthleagan, *Ó Conchubhair*. Gheofar sampla eile den fhoirm seo i dtéacs a bhaineann leis an dúiche chéanna in Ó Tuathail (1927: 64), agus sampla fáin eile in ARÉ 24L34 (815), lch 81, ‘a ttígh Uí C[h]onfar’.

<sup>2332</sup> Is dóigh gur scríobhadh an leabhar uilig, geall leis, sa bhliain 1824, agus is é seo an t-aon dáta a thugtar in Ó Muirgheasa (1905b: 766 col. b), ach tá bliain eile luaite ar lch 130, ‘Thomas O Connor, his Book, dated 16 day of May 1820 Anno Domini’.

<sup>2333</sup> COBÁC M14, lch 15; Ó Muirgheasa (1937: 82).

<sup>2334</sup> Féach an nóta a chuir sé ar cheann de na fordhuilleoga sa lámhscríbhinn: ‘There is hardly any doubt that this is the “Thos O Connor” who was engaged by O Donovan on the Ordnance Survey in 1835-6. H. Morris, 1926’.

<sup>2335</sup> Tugann sé ‘Thomas of the Survey’ air ina chuntas siúd, Ó Muirgheasa (1937).

<sup>2336</sup> Is cnuasach fíorluachmhar nótaí é an t-alt seo, Ó Muirgheasa (1937), nach bhféadfaí iad a bhailiú na laethanta seo, ach is léir go raibh dul amú ar Énrí Ó Muirgheasa maidir leis na sleachta a fuair sé ó Oifig Suirbhéireachta na Breataine, Southampton, óir níl aon amhras go bhfuair Tomás na Suirbhéireachta bás sa bhliain 1842. Maidir leis an leabhar a luaitear le Thomas O’Connor, aistriúchán Béarla ar Cambrensis atá ann, *Topography of Ireland, or Concerning the Wonders of Ireland*; agus tá sé ar coimeád in Acadamh Ríoga na hÉireann faoin uimhir 24D19 anois. Bhreac Seán Ó Donnabháin nóta air an 26 Deireadh Fómhair 1842, inar thug sé le fios go raibh Tomás na Suirbhéireachta marbh.

le Tomás an scríobhaí, Peter O'Connor ó Ghréach na Ruag: John mac Thomas mac Peter mac Thomas .i. Tomás an scríobhaí a bhí ar an té ar labhair Énrí leis (Ó Muirgheasa 1937: 84). Ciallaíonn sé sin gur féidir glacadh leis gur tháinig Tomás an scríobhaí ar an saol sa cheathrú dheireanach den 18ú hAois, agus gur rugadh beirt mhac dó, go bhfios dúinn—Peter Connor (nó O'Connor), agus Thomas O'Connor (c.1812-1842).

Bhí Tomás an scríobhaí ag cur faoi i nGréach na Ruag nuair a tiomsaíodh *Leabhar Deachúnaithe* an bhaile fearainn sin sa bhliain 1823. Thug Ó Muirgheasa (1937: 82) seo faoi deara faoi na tailte a luaitear leis ann, '[his] annual rent was £9 1s. 6d. And as the rent in this area was about £1 per acre, O'Connor's farm must have been about 10 acres, being slightly above the average of the farms in this townland'. Ní luann Seán Ó Donnabháin an scríobhaí sa chuntas a thug sé ar Thomás na Súirbhéireachta ina chuid litreacha.<sup>2337</sup> Shínigh 'Thomas O'Connor' éigin COBÁC M6, lámhscríbhinn de chuid scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha.<sup>2338</sup>

[**Ó Corcáin**]: *féach* Corgan

[**Ó Cuilinn**]: *féach* Cullen

**2.142. Éamonn Ó Cuinn**, *fl.*1824-6

[Edward Quin]

**LN G355.** ['Fís Mherlínó'], 'Gadaidheacht Inghean Dhubháin', 'Cáineadh

Whaley', 'Eachtra an Mhadra Mhaoil', dánfhocal, amhrán [le Toirdhealbhadh

---

<sup>2337</sup> Ba cheann de na lámhscríbhinní a fuair Énrí Ó Muirgheasa i bhFearnmhaigh go luath sa 19ú hAois í COBÁC M14 (Ó Muirgheasa 1937: 82), am éigin roimh an mbliain 1905, toisc gur scríobhadh cuntas uirthi an bhliain sin in Ó Muirgheasa (1905*b*: 766 col. b – 767 col. a).

<sup>2338</sup> COBÁC M6, na leathanaigh gan áireamh. Luann Duffy (1987: 236; 1988: 344) agus Ó Dufaigh & Ó Doibhlin (1989: 15) an nóta sin.

Ó Cearbhalláin], ‘Aoidheacht Mhurchadh na Cuintinne ... i dTigh Ghruig’, laoi fiannaíochta, dánta, ‘An Scáthán Spioradálta’ (cuid de). **1825:**—[? Béal Átha Séanaidh, Dún na nGall];<sup>2339</sup> **1825:**—‘Droim na Gruach’,<sup>2340</sup> [? Dún na nGall]; **1826:**—Béal Átha Séanaidh, Dún na nGall 1825-6.

Is beag eolas atá ar fáil faoi Éamonn Ó Cuinn, ach gur mháistir scoile é nuair a tiomsaíodh *Tuarascáil* 1824,<sup>2341</sup> agus gur grafadh an lámhscríbhinn aonair dá chuid atá againn, LN G355, idir Béal Átha Séanaidh, Co. Dhún na nGall, mar ar rugadh é,<sup>2342</sup> agus ‘Droim na Gruach’. Cuireadh i gcrích í i mBéal Átha Séanaidh, is dóigh, ar an 20 Bealtaine 1826.<sup>2343</sup> D’fhéadfadh sé gur dhuine muinteartha leis an David Quin, Esq., a chuir a ainm ar chlúdach bunaidh na lámhscríbhinne.<sup>2344</sup>

## 2.143. Bearnard Ó Cuirnín, fl.1712-13

[Bernard Cornyne]

**MN C14.** Formhór di. ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, rann le Domhnall Ó Maoil

<sup>2339</sup> Téann sé le céill gur scríobhadh cuid den lámhscríbhinn i mBéal Átha Séanaidh sa bhliain 1825 nó go gairid roimhe sin, ó leagan amach na gcolafon sa lámhscríbhinn: (1) clúdach tosaigh (bunaidh), ‘Edward Quin of Ballyshannon, his book, dated this 20 day of May 1826’; (2) lch [ii], ‘... this 20<sup>th</sup> day of May 1826. Edward Quin, Ballyshannon’; (3) colafoin gan dáta a luann Béal Átha Séanaidh ar lgh 16, 40, agus i lár lch 49; (4) colafon (lch 50) leis an laoi, ‘Laoi an Fhiaich’, a thosaíonn go díreach i ndiaidh an cholafoin i lár lch 49, agus ina ndeirtear (lch 50) go ndearnadh an scríobh sa bhliain 1825 i nDroim na Gruach; (5) dhá cholafon eile gan dáta ar lch 51; agus (6) colafon ar lch 63 a thugann Béal Átha Séanaidh mar log, agus an dáta 1826. Ó tharla gur dóigh gur cuireadh lch [ii], ar leathanach teidil é, leis an lámhscríbhinn i ndiaidh a críochnaithe féin, caithfidh sé gur scríobhadh na téacsanna a deirtear sna colafoin faoi (3) thuas gur scríobhadh iad i mBéal Átha Séanaidh roimh ‘Laoi an Fhiaich’ (a scríobhadh sa bhliain 1825), agus go ndearnadh sin sa bhliain 1825 ar a dhéanaí, sa bhliain sin féin, is dóigh. Ciallaíonn sé sin go raibh an scríobhaí i mBéal Átha Séanaidh nuair a scríobh sé an chéad chuid den lámhscríbhinn, go raibh sé i nDroim na Gruach sa bhliain 1825 nuair a ghráf sé lch 50, agus go raibh sé tar éis filleadh ar Bhéal Átha Séanaidh faoin am ar ghráf sé lch 63, agus colafoin (1), (2) an 20 Bealtaine 1826.

<sup>2340</sup> Theip orm an log seo a cheangal le logainm reatha ar bith, ach is cosúil go raibh sé áit éigin i ndeisceart Cho. Dhún na nGall, nó sa dúiche thart faoi sin.

<sup>2341</sup> Mar a thug Ó Casaide (1929c: 11), iarshealbhóir na lámhscríbhinne seo, *N.L.I. Cat.*, viii, 52, faoi deara. Is dóigh, mar sin, go raibh an lámhscríbhinn ina sheilbh faoin mbliain ar scríobh sé an t-alt thuas, nó ní bheadh a dhath ar bith ar eolas aige—is dóigh—faoin scríobhaí, ós rud é nach bhfuil saothar eile de chuid Éamoinn againn inniu, go bhfios dom.

<sup>2342</sup> Féach an colafon ar lch 51, a bhfuil cóip de san *N.L.I. Cat.*, viii, 54.

<sup>2343</sup> Féach nóta 2339 thuas.

<sup>2344</sup> Féach an *N.L.I. Cat.*, viii, 52.

Ridhéin, ‘Iomarbhách na bhFileadh’. 1712-13. Don Ath. *Aodh Ó*

*Canainn*.<sup>2345</sup>

Is gnách go samhlaítear sloinne an scríobhaí seo le Bréifne agus le hoirthear Chúige Chonnacht, tharla go raibh scoláirí Gaeilge dar shloinne sin lonnaithe sa taobh sin tíre sa tseanaimsir (Ó Buachalla 1975: 23-4). Dhealródh sé go raibh an pátrún, an tAth. Aodh Ó Canainn, ina shagart paróiste i gCluain, Co. Liatroma, sa bhliain 1714, agus bhí an lámhscríbhinn á léamh ag Proinsias Ó Ruairc ó Ghort na Camdharach, Co. Liatroma, breis agus nócha bliain tar éis a scríofa, sa bhliain 1808.<sup>2346</sup> Is sárshampla é an leabhar seo den chineál peannaireachta a fheictear i lámhscríbhinní a grafadh i dtuaisceart agus in iarthuaisceart na tíre i dtreo dheireadh na 17ú hAoise.

#### 2.144. Pádraig Ó Daighre, *fl.*1809

**ARÉ 23M13 (336)**. Dán le Séamus Mac Cuarta, autograf. 1809. Do shagart anaithnid.<sup>2347</sup>

Tugann an scríobhaí, Pádraig Ó Daighre, rann beag a ligeann dúinn a dhéanamh amach gur ghráf sé an giota beag 12 leathanach seo do shagart éigin, ach is mór an trua nach dtugann Pádraig a ainm dúinn,

A shárchraoibh *sagairt* a thairbhreas an aodhbairt súas,  
go Cathair na Náomh mur ’mbionn an tÚan;  
aitchiomsa thú go húmhal as *ucht* Mhic Dé  
a bheith oram a’ guidhe chum an Righ le go slánfídh mé.

July the 16<sup>th</sup>, 1809. I am

Yours &c. Misi Pattrig Ô Daoíre.<sup>2348</sup>

<sup>2345</sup> An tAth. Aodh Ó Canainn nó Hugh Cannon (*fl.*1712-14), a bhí ina shagart paróiste i gCluain, Co. Liatroma, ar an 27 Iúil 1714, nuair a tugadh ordú lena ghabháil as siocair nár thug sé an *Oath of Objuration*; féach Burke (1914: 443). Ní fios goidé a bhain dó ina dhiaidh sin.

<sup>2346</sup> Lch 260, ‘Proinsias Ó Ruairc, Gortnacamdarach, an seiseadh lá *air* fichiott do mí September, Aois *ar* tTighearna 1808’.

<sup>2347</sup> Tá rann leis an scríobhaí ar lch 12 a thugann le fios gur bhreac sé an lámhscríbhinn do shagart, ach ní luaitear a ainm. Féach i gcorp an chuntais thuas.

‘Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill’, dán a gcuirte an-spéis ann in Oirialla, is ábhar don lámhscríbhinn, agus is maith an chóip a scríobh Pádraig Ó Daighre. Tá a chuid peannaireachta chomh cúramach agus néata sin go mbeifí ag déanamh amach go bhfuil lorg na scoile fós ar a lámh. Más fíor nach raibh sé ach ag tosú ar ábhar a ghrafadh do phátrúin i lár na bliana 1809, ba mhaith an mac léinn é, óir is follas ón ngiota dáin thuas dá cheapadh féin go raibh greim iontach maith aige ar ortagrafaíocht na Gaeilge, i gcomórtas lena lucht comhaimsire. Scríobhadh an t-ainm ‘Padruig Ó Daoire’ ar LBO Ir.e.4 (b) (16),<sup>2349</sup> lámhscríbhinn le Tomás Mhac Ceitearu (*q.v.*) ó Ghréach na Ruag i gCo. Mhuineacháin a grafadh idir na blianta 1800 agus 1804, ach tá an script trom agus cruinn, sa dóigh gur mó is cosúla—murab ionann—í le peannaireacht Thomáis é féin ná le script bheag Phádraig. Ó tharla go bhfuil ainm Phádraig scríofa taobh le breacadafl eile ar chúl duilleoige ar scríobh Tomás cóip den dán ‘Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill’ ar an taobh eile di— an dán céanna agus é siúd atá in ARÉ 23M13 (336)—tá seans éigin ann go raibh Tomás ag tarraingt ar chóip eile le Pádraig, nó go bhfuil cineál de bhaint ag an dá lámhscríbhinn lena chéile. Ní féidir liom aon eolas a fháil faoi Phádraig Ó Daighre anuas air sin.

---

<sup>2348</sup> ARÉ 23M13 (336), lch 12.

<sup>2349</sup> LBO Ir.e.4 (b) (16), f. 154v. Féach go bhfuil ainm Phádraig mílitithe ar an dóigh chéanna sa cholafon in ARÉ 23M13 (336), lch 12, agus sa nóta in LBO Ir.e.4 (b) (16), f. 154v, beagnach, agus go bhfuil an chuma ar an nóta sin gur cóip de cholafon é: ‘Guidh *ar* an sccriobhnear a n-onoir na Trinoide Ro-Naomhtha eadhoin Padruig Ó Daoire’. Tá síniú Thomáis Mhic Ceitearu i mBéarla ar an leathanach céanna, agus an 4 Aibreán 1814 mar dháta leis. Ciallaíonn sé sin go raibh LBO Ir.e.4 (b) (16) i nGréach na Ruag le fada an lá i ndiaidh a scríofa, agus gur féidir gurbh ann a cuireadh ainm Phádraig léi.

**ARÉ 23K37 (152).**<sup>†</sup> Bloghanna di.<sup>2350</sup> Obair dheisithe: giotaí de ‘Cath Cumair’, ‘Cath Maighe Léana’, ‘Cath Maighe Mucraimhe’, ‘Cath Chluana Tairbh’, ‘Comhrac Fhirdhia agus Chon gCulainn’, ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh’.

**ARÉ 23A32 (786).** Bloghanna di. Obair dheisithe: giotaí de ‘Tóraidheacht Fiacaíl Ríogh Gréag’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’.<sup>2351</sup>

**ARÉ 24B4 (970).** ‘Beatha an Easpaig Ghlórmhair, Pádraig Naomhtha’. *Marc uisce*: 1810.

**ARÉ 24P31(2) (1075).** Formhór di.<sup>2352</sup> Dánta le Seán Ó Neachtain agus Cearbhall Ó Dálaigh, laoithe fiannaíochta, dánta diaga, ‘Comhairle Mherlínó do Chian’, ‘Tóraidheacht Dhiarmada agus Ghráinne’,<sup>2353</sup> ‘Bás Chearbhaill Uí Dhálaigh agus Fhearbhlaidhe Inghean Ríogh Alban’. *Marc uisce*: 1816.

**C Add. 6563 (42).** Blogh di.<sup>2354</sup> Rann. [? Do *Pheadar Ó Gealacháin*].

**DE Gen. 43D.** Blogh di.<sup>2355</sup> Dán le Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, aistriúchán Béarla ar dhán. Do *Pheadar Ó Gealacháin*.

<sup>2350</sup> Ba eisean a scríobh na duilleoga nua a luadh cheana san *R.I.A. Cat.*, 433, .i. lgh 1-4, 49-50, 63-6, 77-80, 161-4, 237-8, 311-12. D’uimhrigh sé leathanaigh na lámhscríbhíne, ar trí lámhscríbhinn ar leith le Seon Mhac Solaidh í ó cheart—féach nóta 1821. Tá liosta d’iarshealbhóirí na dtrí chuid, nó cuid acu, i nóta 1892 thuas.

<sup>2351</sup> Tugtar na leathanaigh a d’athscríobh Peadar Dubh Ó Dálaigh in ARÉ 23A32 (786) san *R.I.A. Cat.*, 2482, ach is iomaí ceartúchán beag agus léamh malartach atá tugtha aige fosta tríd an mbunscríbhinn. Peadar Ó Ruadháin a ghráf an chuid bhunaidh di sa bhliain 1758.

<sup>2352</sup> An t-iomlán ach a bhfuil ar lch 334.

<sup>2353</sup> Féach nóta 1659.

<sup>2354</sup> F. 77.

<sup>2355</sup> Lgh 563-5, 567, 640, 660-1, 689. Is féidir na breiseanna seo a phlé, óir ní thugtar cuntas orthu in Ó Tuathail (1931; 1932),

(1) Lgh 563-5, 567: tá aistriúchán Béarla de dhán Chearbhaill Uí Dhálaigh, *A mhacalla dheas, ós duit is fios a lán*, ar lgh 563-5, taobh leis an leagan Gaeilge. Ba é Peadar Ó Gealacháin a scríobh an t-ábhar Gaeilge, agus tá an chosúlacht air gur scríobh Peadar Dubh Ó Dálaigh an méid Béarla atá ann; leagtar an t-ábhar Béarla féin ar ‘J. Dalton, M.R.I.A.’ i nóta a scríobh Eugene Guilford Finnerty ar lch 563. Ar lch 567, tá an dán *Dia libh, a laochra Gael* i bpeannaireacht Pheadair Uí Ghealacháin, agus aistriúchán den chéad rann go Béarla i lámh Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh.



**LB Eg. 172.\*** Blogh di.<sup>2356</sup> Rann.

**LB Eg. 208.** ‘Mac na Míchomhairle’, dánta, cuid acu le Séamus Mac Cuarta, Cathal Mag Ruaidhrí, Peadar Mag Ualghairg, Peadar Dubh Ó Dálaigh, Cormac mac Cuileannáin, Art Mac Cumhaigh, Brian Ó Ruairc, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Uilliam Mac Giolla Chiaráin, Pól Ó Briain, ‘Oidhe Chloinne Tuireann’, ‘Oidhe Chloinne Lir’, ‘Tóraidheacht Shaidhbhe Inghean Eoghain Óig’, laoithe fiannaíochta, dánta cráifeacha, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, glac beag búrdún agus dánfhocal. 1826.<sup>2357</sup>

**MN C73 (d).** ‘Agallamh an Bháis leis an Duine Tinn’, dánta le Séamus Mac Cuarta, amhrán. Cnoc na hEorna,<sup>2358</sup> Ardach, An Mhí 1806.

**MN C87 (a).** Formhór di. Óráid ar an nGaeilge, dánta le hAodh Óg Mag Aodha, Art Mac Cumhaigh, Pádraig Mac a Liondain, búrdúin agus dánfhocail, filíocht agus próis cráifeach, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, giotaí le Peadar [Dubh] Ó Dálaigh. 1806-7.

---

(2) Lch 640: chuir Peadar Dubh Ó Dálaigh ainm an fhile leis an dán ‘Peigí Nuinseann’, *Bhí mé lá breá aerach ar mholaidh aoibhinn aonaigh*.

(3) Lgh 660-1: scríobh Peadar Ó Gealacáin an chéad leath de lch 660. Tugann sé i lár lch 660 an teideal ‘Ag so Faoiseadan Chathail Bhuidhe ...’; dhealródh sé gurbh é an rud a rinne sé an giota páipéir a chur chuig Peadar Dubh Ó Dálaigh, a chealaigh an focal ‘Faoiseadan’ agus a scríobh ‘Faoisidín’ fúithi. An chóip den dán a thugtar ina dhiaidh sin, is i bpeannaireacht Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh atá sí, agus an nóta seo aige ag bun lch 661: ‘My Dear Peter, it is from memory I scratched out this Confession. I am not sure that you have it all, but I think it is pretty correct. Your friend, Peter Daly’.

(4) Lch 689: ba é Peadar Dubh Ó Dálaigh a scríobh an nóta faoi bheatha Uilliam Uí Bhriain ag bun lch 689. Ó tharla gur chuir Peadar Ó Gealacáin an dáta 5 Feabhra 1844 le bun an leathanaigh seo, caithfidh sé gur scríobh Peadar Dubh Ó Dálaigh an nóta am éigin ina dhiaidh sin. Is dóigh gurb é seo an giota scríbhneoireachta is déanaí atá againn ó pheann Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh.

<sup>2356</sup> Rann a chuir Peadar Dubh ar f. 1 de LB Eg. 172. Tá an rann, *Leabhar de leabhraibh Pheadair*, i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 117.

<sup>2357</sup> Deirtear go fóill gur scríobhadh LB Eg. 208 i mBaile an tSléibhe, ach is léir go n-eascaíonn sin ó dhrochléamh a rinneadh breis agus nócha bliain ó shin ar cholafon nach dtugann rud ar bith eile le fios ach gurbh ó Bhaile an tSléibhe do Pheadar Dubh Ó Dálaigh, nó dá mhuintir, go fiú; féach nóta 2362. Ba sa Bhóthar Mín a bhí Peadar Dubh nuair a scríobh sé an lámhscríbhinn seo, más fíor gur scríobhadh í uilig sa bhliain 1826. Deirim sin ós comhleabhar atá inti, agus ba ann a bhí cónaí ar Pheadar Dubh nuair a ghráf sé an dán atá ar f. 137b sa lámhscríbhinn féin, agus nuair a tiomsaíodh *Tuarascáil* 1834, srl.

<sup>2358</sup> Féach an cuntas ar MN C87 (a) sa bheathaisnéis seo, agus nóta 2365 ach go háirithe.

**MN M105 (a).**<sup>†2359</sup> ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Cath Ros na Ríogh for Bóinn’, dán diaga, dánta le Séamus Mac Cuarta agus Seán Ó Neachtain, dánfhocal. 1816.<sup>2360</sup>

**ÓEG H9.**<sup>†</sup> Cuid di.<sup>2361</sup> Laoithe fiannaíochta.

De bhreis ar ar scríobh Flower sa *B.M. Cat.*, ii, 134-5, bhailigh taighdeoirí eile, Énri Ó Muirgheasa agus Séamus Ó Casaide ach go háirithe, cuid mhaith ábhair ar bheatha an scríobhaí seo. Chuir Tomás Ua Brádaigh (1960) cuntas béaloidis i gcló air, agus tá nótaí spéisiúla ar a shaol in Curran (1995: 188). Is as na cuntais seo a baineadh cuid mhaith dá bhfuil sa bheathaisnéis thíos. Chuir Ó Muirgheasa (1933: 149-58; 2015: 246-265) glacán dá chuid dánta i gcló fosta.

Rugadh Peadar Ó Dálaigh mac Lúcaís mhic Uilliam mhic Lúcaís mhic Sheáin mhic Dhomhnaill mhic Dhonnchaidh mhic Eoghain Mhóir Uí Dhálaigh<sup>2362</sup> ag Baile an tSléibhe,<sup>2363</sup> atá gar do Mhullaigh Laoide i mbarúntacht Cheannannais, Co. na Mí, sa cheathrú dheireanach den 18ú hAois, is dócha, áit a raibh a mhuintir socraithe ón

---

<sup>2359</sup> De bhreis ar an bpeannaireacht sho-aitheanta, is leid eile gur scríobh Peadar Dubh Ó Dálaigh an lámhscríbhinn seo go mbaineann an chóip de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ atá inti le grúpa D, de réir aicmiú Mhic Giolla Léith (1993: 41) de na leaganacha den scéal atá againn. Ní chuireann sé ach dhá lámhscríbhinn eile sa ghrúpa sin, ARÉ 23A25 (628) agus ARÉ 23A32 (786), agus is dearbh go raibh an dá lámhscríbhinn sin i gcnuasach leabhar Pheadair Dhuibh; féach nótaí 2246, 2351 thuas.

<sup>2360</sup> Ba dhóigh leis an Moins. Ó Fiannachta go raibh 1816 i gceist sa cholafon a thug Peadar Dubh Ó Dálaigh in MN M105 (a) “‘CMDCCCXVI’ (=1816 ?)”, *M.N. Cat.*, iv, 21.

<sup>2361</sup> Lgh 51-67. Féach nóta 3314, áit a ndéantar plé ar ÓEG H9.

<sup>2362</sup> Tugann sé féin an ginealach ‘... arna sgríobhadh le Peadar mhac Lucais mhic Uilliam Uí Dhálaigh o Bhaile an tSléibhe, an taobh tuaidh de Mhullaigh Laoide, le taobh Cheannaíus’ in LB Eg. 208, f. 79, *B.M. Cat.*, ii, 136, ach tá leagan Béarla de ag John O’Donovan i litir a chuir sé chuig Thomas A. Larcom, an 3 Lúnasa 1836: ‘It runs thus: Peter, the son of Luke, who was the son of William the son of Luke, who was the son of John, who was the son of Donnell, the son [of] Donagh, who was the son of Owen More, head of the O Dalys of Kilconnell in 1656, and relative of Colonel Dermot O Daly, who fought against Cromwell at the battle of Kilconnell’, ARÉ 14E2, lgh 167-8; tá sé sin i gcló in Ó Casaide (1936c: 110-11), agus in Herity (2001a: 63-4).

Mar gheall ar an gcolafon in LB Eg. 208, f. 79, táthar ar an eolas le fada gurbh ó Bhaile an tSléibhe, ‘an taobh tuaidh de Mhullaigh Laoide, le taobh Cheannaíus’, do mhuintir Pheadair Dhuibh, ach cheap beirt scoláirí go bhfuil ceann de dhá áit i gceist: dúirt Breathnach (1932a: 42) go raibh ‘Mountainpole’ ar intinn ag Peadar Dubh, ach d’áitigh Ó Muirgheasa (1934b: 114) gurbh é ‘Ballintlieve’ a bhí i gceist aige. Féach nóta 2364, áit a dtugtar tagairt a thaispeánann go raibh craobh éigin de mhuintir Dhálaigh ag cur fúthu in ‘Mountainpole’ faoin mbliain 1743.

<sup>2363</sup> Féach nóta 2362.

gcéad leath den 18ú hAois, agus roimhe sin, b'fhéidir; ba as Cill Chonaill, Co. na Gaillimhe, d'Eoghan Mór Ó Dálaigh (*fl.*1656), sin-sin-sin-sin-sin-seanathair Pheadair Dhuibh.<sup>2364</sup> Is féidir scríbhinní Pheadair Dhuibh a roinnt ina dhá gcuid: **(A)** an chéad dá lámhscríbhinn, a scríobhadh idir 1806 agus 1807 ar dtús; agus **(B)** na lámhscríbhinní déanacha ina dhiaidh sin, ina bhfuil feabhas mór tagtha ar a chumas peannaireachta agus litrithe. B'fhearr féachaint ar lámhscríbhinní ghrúpa **A** ar dtús. Tugtar faoi deara nach síníodh Peadar Dubh a ainm mar Pheadar *Dubh* ach go hannamh.

Tá an litriú tútach agus doiléir go leor sa dá lámhscríbhinn is luaithe atá againn uaidh, MN C73 (*d*) agus MN C87 (*a*), agus is léir ó na hiarrachtaí seo nach raibh sé ach ag foghlaim na ceirde ag an am sin. Ba dhóigh le Pádraig Ó Fiannachta gurbh é 'Knocknahorn' Cho. Thír Eoghain an áit a bhí i gceist ag an scríobhaí an uair a thug sé 'Cnoc na Thóirna' (.i. Cnoc na hEorna) mar log scríofa sa chéad scríbhinn acu seo, ach ní dócha sin.<sup>2365</sup> Is é is dóichí, ceapaim, go raibh an baile fearainn ar a dtugtar 'Barleyhill' anois, agus atá i mbarúntacht Bhaile Shláine Íocht., Co. na Mí, ar intinn aige. Bhí cúpla scoláire Gaeilge eile lonnaithe sa dúiche sin ag an am, agus chuir duine acu, Michael Carolan (*q.v.*), a ainm agus an seoladh 'Barleyhill', le OÉG H9 sa bhliain 1807,<sup>2366</sup> lámhscríbhinn ar ghráf Peadar Dubh Ó Dálaigh codanna di ina

---

<sup>2364</sup> Féach na sleachta as tiomna William Daley, a scríobhadh ar an 29 Aibreán 1743, agus a cláraíodh an 28 Iúil 1744. Tá an tiomna cailte, ach tá nótaí ina thaobh i gcló in Ó Casaide (1937: 58): 'William Daley, a farmer, of Mountain Pole in Co. Meath ... The following relatives were mentioned in the Will: his wife Mary, his eldest son William and two other sons—Nicholas and Luke, his daughters Bridget and Mary, his grandsons James Carpenter and Laughlin Smith, his sons-in-law John Smith and Michael Carpenter, and his brother Daniel Daley'. Mheas Ó Casaide (1937: 58) gurbh é William sin-seanathair Pheadair Dhuibh, ach ní féidir sin, ar bhonn an ghinealaigh a thug sé. Caithfidh sé gur dhuine muinteartha le William é Peadar Dubh, áfach.

<sup>2365</sup> Deirtear sa cholafon gur ghráf '... Peadar A Dailaidh, a cCnoc na Thóirna ...' an lámhscríbhinn, MN C87 (*a*), lch 4; féach nóta an Mhoins. Pádraig Ó Fiannachta, '... i "gCnoc na Thóirne" (.i. 'Knocknahorn' par. 'Omagh' nó 'Leekpatrick,' Co. Thír Eoghain)', *M.N. Cat.*, v, 136.

<sup>2366</sup> Maidir leis an nóta seo, féach an cuntas ar Michael Carolan i gCaib. 2.7 thuas, nó nóta 3314.

lámh fhorbartha (stíl **B**). Scríobh scoláirí eile ón dúiche sin, Tomás Stafford agus Risteard Pluincéad [2] (*qq.v.*), giotaí eile isteach sa lámhscríbhinn.<sup>2367</sup>

Phós Peadar Dubh a bhean chéile, Margaret Maxwell, i gCeanannas ar an 24 Meitheamh 1809.<sup>2368</sup> Dealraíonn sé go raibh sé ag múineadh scoile go luath sna 1810í, óir tugann sé ‘tegasgoir díaineóluis’ air féin i lámhscríbhinn a grafadh thart ar an am sin.<sup>2369</sup> Ní léir cén tráth ar bhog sé go dtí an Bóthar Mín, ach bhí sé ag teagasc ann am éigin roimh an mbliain 1826, agus ceapadh é ina mháistir ar phríomhscoil an Bhóthair Mhín sa bhliain 1834. D’fhaigheadh an scoil sin liúntais ó éastát an Ath. Michael Branagan (*c.*1746-1833), S.P. Ard Breacáin, arbh ón dúiche thart ar Bhaile Shláine dó ó dhúchas.<sup>2370</sup>

Bhain Peadar Dubh, mar a thug Robin Flower faoi deara, *B.M. Cat.*, ii, 135, leas as córas litrithe McElligott ina chuid lámhscríbhinní déanacha (stíl **B**), atá dea-scríofa agus leagtha amach go cúramach. Is minic a dhíríonn sé aird an léitheora ar théacs truailithe: féach an nóta a scríobh sé ar an dán cráifeach ‘Saoghal Íosa’ in ARÉ 24P31(2) (1075): ‘Ta *locht* éigin an so...’<sup>2371</sup> Tá an chuma air go ngoilleadh easpa cruinnis chomh mór sin air go gceartaíodh sé lámhscríbhinní daoine eile go minic, ach ligeann na ceartúcháin sin dúinn tuairim a fháil ar an genuasach lámhscríbhinní a bhí aige. Féach, mar shampla, na ceartúcháin agus an obair dheisithe a rinne sé ar ARÉ 23K37 (152), ARÉ 23A25 (628), ARÉ 23A32 (786), COBÁC A40, agus OÉG

---

<sup>2367</sup> Níl rud ar bith a chruthódh, go bhfios dom, gur chaith Peadar Dubh seal i gCo. Thír Eoghain. Féach fosta nóta Phádraig de Brún (2009: 342) maidir le OÉG H9, atá luaite agam i nóta 3315.

<sup>2368</sup> Féach nóta 2384. Tabharfar eolas breise thíos a chuideoidh linn Peadar Dubh a cheangal leis an Peter Daly a luaitear i dtaifid phósta an pharóiste sin.

<sup>2369</sup> ARÉ 24B4 (970), lch 50.

<sup>2370</sup> Bhí an tAth. Michael Branagan (*c.*1746-1833), seanmóirí Gaeilge, ina shagart cúnta in Ard Breacáin ó 1779 ar aghaidh, agus rinneadh sagart paróiste de in 1795. Rugadh i mBaile Shláine é. Ó tharla go raibh Luke Daly, duine muinteartha [? deartháir, mac] le Peadar Dubh Ó Dálaigh, fostaithe mar mháistir i scoil eile sa pharóiste Caitliceach céanna le linn an ama sin (Ó Casaide 1934*b*: 141-2), dhealródh sé go raibh fonn ar an sagart postanna a thairgeadh do scoláirí a áite dúchais. Bhí Richard Plunket [? Risteard Pluincéad [2] (*q.v.*)] ina mhúinteoir sa scoil a bhí i séipéal Dhroichead Dhún Doire, am éigin i ndiaidh 1784. Féach nóta 3644.

<sup>2371</sup> ARÉ 24P31(2) (1075), lch 353.

H9. Bhí LB Eg. 172 aige tráth;<sup>2372</sup> agus lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin, a scríobhadh in 1762.<sup>2373</sup> Thiontaigh sé cuid den *Iliad* go Gaeilge.<sup>2374</sup> Tá píosaí cumadóireachta de chuid Pheadair Dhuibh scaipthe trí na lámhscríbhinní luatha: is colafoin i bhfoirm rann a bhformhór.<sup>2375</sup> Chuir sé rann breise leis an dán cráifeach ‘Saoghal Íosa’,<sup>2376</sup> in ARÉ 24P31(2) (1075), a grafadh thart faoin mbliain 1816, agus chum sé roinnt dánta agus amhrán eile i nGaeilge agus i mBéarla. Ar na hamhráin is spéisiúla dár cheap sé, tá *Tráth luigh mé síos aréir*.<sup>2377</sup> Is neamhghnách mar iarracht é ó thaobh foirme, toisc gur amhrán macarónach atá ann, agus ó thaobh ábhair, toisc go dtugann sé faoi mháistrí an *Irish Society* ann, díreach mar a rinne sé san fhógra a chuir sé timpeall an Bhóthair Mhín, *With all the desires that friendship inspires*.<sup>2378</sup> Luaitear é mar mháistir i scoil an Bhóthair Mhín i d*Tuarascáil* 1834, áit a raibh léamh, scríobh agus mata á dteagasc aige; sa pharóiste céanna, i mbeistrí an tséipéil Chaitlicigh, bhí máistir scoile darbh ainm Luke Daley ag teagasc Laidine, Gréigise

<sup>2372</sup> Féach an rann a scríobh sé inti, *B.M. Cat.*, ii, 117.

<sup>2373</sup> Priontáladh an colafon in LB Eg. 208, f. 87b—a thaispeánann gur bhain Peadar Dubh Ó Dálaigh cuid den lámhscríbhinn sin as seanleabhar (dar dáta 1762) a ghráf Muiris Ó Gormáin—i gCaib. 1.2.2.3, colafon 48. Féach fosta an *B.M. Cat.*, ii, 136. Is ábhar spéise go raibh lámhscríbhinn (dar dáta 1761) a ghráf Muiris idir lámha ag seanchara de chuid Pheadair Dhuibh, Peadar Ó Gealacáin, agus DE Gen. 43D á ghráfadh aige; féach DE Gen. 43D, lch 211, nó Ó Tuathail (1931: 395).

<sup>2374</sup> Níl aon cuid den saothar againn, go bhfios dom, ach féach nóta 2396, áit a dtugtar tagairt dó ó chuntas catalóige a scríobh Peadar Ó Gealacáin.

<sup>2375</sup> Is léir gur mheas an Moins. Ó Fiannachta gur chum Peadar Dubh Ó Dálaigh an píosa ‘Néillidh Créibhthach’ [= ‘Neillí Chraobhach’] a bhfuil cóip de in MN C87 (a), lch 108, óir tugann sé ‘Autograf “re Peadair Ó Dálaidh”’ uirthi. Is dóigh gur cheap sé sin mar gheall ar an nóta a bhreac Peadar Dubh Ó Dálaigh é féin in aice le teideal an téacs, ‘airna s[c]ríobhadh re Peadair O Dalaídh’, *M.N. Cat.*, vi, 18. Is débhríoch mar cholafon é, mar is gnách, agus úsáideann sé an fhoirmle chéanna (‘Air a scriobh le Peadar A Dalaidh...’) ar lch 16 le cur síos a dhéanamh ar théacs a leagann sé ar ‘Aodh Og Mac Aodh’, MN C87 (a), lch 16; *M.N. Cat.*, vi, 17. Níl i gceist anseo i gcás ‘Neillí Chraobhach’ ach blogh de théacs a bhfaighfear leagan níos iomláine de in ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 12v. Ní luaitear údar leis sa lámhscríbhinn sin.

<sup>2376</sup> ‘Saoghal Phádraic cómhair dil

dho mhac(h)aibh áilne Gaedhil;

sé fíthchit is dha bhlfaghain:

*mairg nach leanfadh a chaomhriaghail*’, ARÉ 24P31(2) (1075), lch 354.

Gabhann nóta beag leis an méid seo: ‘Is é *Peadur* Ua Dál:aigh chum an Rann déighioñach so shúas *air* Phádrúig, A léighit[h]eór, glac e leithsgéil muna bhfuil se ceart’.

<sup>2377</sup> An dán ‘Éirigh, a Ghráinne Mhaol’ atá i gcló in Ó Muirgheasa (1933: 152-5; 2015: 252-9, 310).

<sup>2378</sup> Tá véarsa as an dán dar tús *In teaching the young the old mother tongue* i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 139; tá an leagan iomlán in LB Eg. 208, f. 137b.

agus Fraincise do dheichniúr daltaí.<sup>2379</sup> Osclaíodh scoil Pheadair i mí Eanáir 1834, agus scoil Luke i mí Lúnasa 1834. Bhí Peadar Dubh agus Peadar Ó Gealacáin mór lena chéile, agus sheol Peadar Dubh leabhar dá dhéanamh féin, is dóigh, chuige, leabhar as ar bhain Peadar Ó Gealacáin cuid mhaith d'ábhar DE Gen. 43D, an *Réimchnuasacht* a ghráf sé idir na blianta 1841 agus 1844.<sup>2380</sup> Scríobh Peadar Dubh cúpla giota dó fosta atá istigh leis an scríbhinn anois, ach dealraíonn sé go raibh an bheirt acu ag cur téacsanna chuig a chéile le breis agus fiche bliain faoin am sin.<sup>2381</sup>

Bhí meas nár bheag ag Seán Ó Donnabháin ar Pheadar Dubh Ó Dálaigh, agus thrácht sé air in dhá litir a scríobh sé chuig Thomas A. Larcom le linn dó a bheith ag obair don tSuirbhéireacht Ordanáis ag tús mhí Lúnasa 1836: 'Mr. Daly of Bohermeen who is by far the best (in fact the only) Irish scholar in Meath...'; agus, ar an 3 Lúnasa 1836, 'I called yesterday upon a very intelligent Schoolmaster of the name O'Daly from whom I expected to find something satisfactory about the family of Corco-Adam ... This Peter would be of great use to us, but as he has a large family, I should be very sorry that he would leave his house, School and potatoe fields for our uncertain speculations. He is certainly a very clever fellow'.<sup>2382</sup> Is mór an trua é, óir thabharfaidís mórán eolais dúinn faoi, nach bhfuil cláir baistí ar fáil i bparóiste an Bhóthair Mhín go dtí an bhliain 1832, an bhliain ar baisteadh Daniel Daly, mac le

---

<sup>2379</sup> Lch 109a.

<sup>2380</sup> Féach an colafon ar lch i: 'Peter Gallegan's Sixth Volume, ... Transcribed by himself from Mr. Peter Daly's Manuscript and from other authors of the Irish language...' Tá sé seo i gcló cheana in Ó Tuathail (1931: 390-1). Is é an fáth a ndeirim gur dóigh liom gur ghráf Peadar Dubh 'Mr. Peter Daly's Manuscript' go bhfuil dánta in DE Gen. 43D a cheap Peadar Dubh é féin.

<sup>2381</sup> Chuir sé cóip de 'Faoistin Chathail Bhuidhe' chuig Peadar Ó Gealacáin (DE Gen. 43D, lgh 660-1) ar a bhfuil scríofa aige: 'My Dear Peter, it is from memory I scratched out this Confession. I am not sure that you have it all, but I think it is pretty correct. Your friend, Peter Daly', DE Gen. 43D, lch 661; Ó Tuathail (1932: 542). Chuidigh sé le Peadar Ó Gealacáin ar dhóigheanna eile agus é á scríobh. Féach nóta 2355. Tá nóta eile i lámh Pheadair Dhuibh i leabhar coiteann Pheadair Uí Ghealacáin, C Add. 6563 (42), f. 48: 'Please transcribe this for me. P. D. Cuir so chugaim', agus is ar dhramhpháipéar (a d'úsáid Peadar Dubh ar dtús) sa lámhscríbhinn chéanna, f. 77, a ghráf Peadar Ó Gealacáin cuid de na dréachtaí sa leabhar sin.

<sup>2382</sup> Litreacha ó John O'Donovan chuig Thomas A. Larcom, an 1 (?) Lúnasa 1836, agus an 3 Lúnasa 1836, ARÉ 14E2, lgh 161, 167-8. Gheofar cóipeanna díobh in Ó Casaide (1936c: 110-11), agus Herity (2001a: 61, 63-4).

Peter Daly agus Margaret Maxwell, sa pharóiste sin; agus tá taifead sna cláir ar mhac eile a rugadh don lánúin chéanna, Peter Daly, a baisteadh an 29 Deireadh Fómhair 1834.<sup>2383</sup> Taispeánann clár na bpóstaí i gCeanannas, mar a chonacthas thuas, gur pósadh Peter Daly agus Margaret Maxwell sa pharóiste sin ar an 24 Meitheamh 1809,<sup>2384</sup> ach ní luaitear aon pháistí leo i gcláir baistí an pharóiste sin. Is féidir, mar sin, gur fhág siad an paróiste go gairid i ndiaidh a bpósta. D’aimsigh Ó Casaide (1936c: 111) tagairt do ‘Mr. P. Daly, 20 Capel-street’, Baile Átha Cliath, a bhí ina shíntiúsóir le *Man’s Final End* (1824), saothar leis an Míoch, Mícheál Ó Cléirigh (*q.v.*). Más é Peadar Dubh atá i gceist anseo, níor fhan sé sa chathair ach seal gairid, óir níl trácht ar aon pháistí a rugadh dó i gcláir baistí na mórchathrach. Ní dóigh liom gurb é an scríobhaí seo againn é an P. Daly seo. An méid sin ráite, ghlac Ó Casaide (1936c: 111) leis, agus is doiligh gan taobhú leis, gurb é an scoláire Peadar Dubh atá i gceist sa liosta síntiúsóirí a cuireadh leis an dara saothar a d’fhoilsigh Mícheál Ó Cléirigh, *Ireland’s Dirge* (1827): ‘Mr. P. Daly, T.I.L.’ Is é rud is brí le ‘T.I.L.’ ‘Teacher of the Irish Language’.

Dála an Peter Daly agus an Margaret Maxwell a pósadh i gCeanannas sa bhliain 1809, is deimhin, geall leis, gurb ionann iad agus an lánúin a raibh cónaí orthu sa Bhóthar Mín idir 1832 agus 1834, áit a raibh Peadar Dubh ag múineadh scoile chomh luath leis an mbliain 1826,<sup>2385</sup> agus tagraíonn sé go díreach do Margaret (‘a Mhuiread’) i gceann dá lámhscríbhinní.<sup>2386</sup> Is cinnte go dtabharfadh an tréimhse

<sup>2383</sup> *Clár na mBaistí, An Bóthar Mín, 1832-80:*

‘5 [Meán Fómhair 1832]. Daniel of Peter Daily & Margret Maxwell. S.S. Pat Mathews Judith Reilly’.

‘29<sup>th</sup> [Deireadh Fómhair 1834]. Peter S. of Peter Daly & Margt Maxwell. S.S. James Ford & Mary King’.

<sup>2384</sup> *Clár na bPóstaí, Ceanannas, 1791-1873:*

‘24 [Meitheamh 1809]. Peter Daly & Margaret Maxwell. Wit: John Mulligan & John Conlan’.

<sup>2385</sup> Féach an tagairt i nóta 2378 thuas do dhán de chuid Pheadair atá in LB Eg. 208.

<sup>2386</sup> Féach Caib. 1.3, colafon 120.

fhada idir an lá ar pósadh iad agus ar rugadh Daniel Daly—22 bhliain san iomlán—  
deis mhaith don bheirt acu clann mhór a thabhairt ar an saol. Lúcas Ó Dálaigh a bhí  
ar athair Pheadair Dhuibh, sa dóigh nach éadócha go raibh mac ag Peadar Dubh é  
féin darbh ainm Lúcas. An máistir scoile úd a luaitear a bheith ina theagascóir  
Laidine agus teangacha eile i mbeistrí an Bhóthair Mhín, Luke Daley, deirtear scaití  
gur féidir gur dheartháir é le Peadar Dubh. Tá leid mhaith againn, áfach, gur bhain sé  
leis an gcéad ghlúin eile: cuireadh Luke Daly ón mBóthar Mín ar rollaí Choláiste  
San Finnéin san Uaimh mar scoláire lae ar an 1 Meán Fómhair 1830 (Curran 1995:  
188), áit a raibh an Fhraincis, an Laidin, an Eabhrais, agus an Ghréigis á dteagasc do  
mhic léinn lena n-ullmhú don tsagartacht. Pósadh fear darbh ainm Luke Daly le  
Anne Quigley sa Bhóthar Mín ar an 8 Samhain 1835, agus baisteadh Peter Daly ar a  
gcéad mhac an 31 Deireadh Fómhair 1836.<sup>2387</sup> D'éirigh idir an máistir Luke Daly  
agus an chléir Chaitliceach am éigin idir sin agus mí an Mhárta 1837, agus níl trácht  
ar an lánúin sin, Luke Daly agus Anne Quigley, ina dhiaidh sin i dtaifid  
Chaitliceacha an pharóiste.<sup>2388</sup> Dhealródh sé, dá bharr sin, gur thug sé a chúl ar an  
Eaglais Chaitliceach thart faoin am a ndeachaigh Peadar Dubh leis an gcreideamh

---

<sup>2387</sup> Féach nóta 2388.

<sup>2388</sup> Tharla easaontas éigin idir an máistir scoile, Luke Daly—a shamhlaítear a bheith ina dheartháir le Peadar Dubh go minic (Ó Casaide 1934b: 141)—agus na sagairt Chaitliceacha áitiúla thart ar an am céanna, agus thosaigh sé a mhúineadh i scoil Phrotastúnach sa bhliain 1837, nó thart air. Tá cuntas iomlán ar an aighneas ab údar leis seo in Ó Casaide (1934b), áit a ndeirtear go raibh Luke Daly ag teagasc Laidine, Gréigise, agus Fraincise sa bheistrí sa Bhóthar Mín i mí Iúil 1834, ach gur éirigh idir é agus an sagart paróiste, an tAth. Joseph Kennedy (c.1794-1842), toisc baint a bheith aige leis an *Irish Society*. Ligeann an méid seo dúinn eisean a cheangal leis an Luke Daly ón mBóthar Mín ar cuireadh a ainm le rollaí Choláiste San Finnéin ar an 1 Meán Fómhair 1830 (Curran 1995: 188), óir bhí na hábhair sin—Laidin, Gréigis, agus Fraincis—a bhí ar churaclam scoil Luke Daly á dteagasc sa choláiste sin ag an am sin. Deirtear go ndeachaigh Luke chuig an mbiocáire i bparóiste Bhaile Átha Buí, an tOir. Robert Noble, agus go ndearnadh socrú leis sa dóigh go raibh 276 mhac léinn faoina stiúir i mí an Mhárta 1837 (Ó Casaide 1934b: 141-2). Téann sé sin go rímhaith le scéal Pheadair Dhuibh, agus bheinn ag déanamh amach gur bhog Peadar Dubh agus Luke Daly go dtí Baile Átha Buí thart faoin am céanna. De réir iontrála atá i *gClár na bPóstaí, An Bóthar Mín*, 1831-81, sollúnaíodh pósadh idir Luke Daly agus Anne Quigley ar an 8 Samhain 1835, agus baisteadh leanbh leo—Peter Daly a bhí air—ar an 31 Deireadh Fómhair 1836 (taifead i *gClár na mBaistí, An Bóthar Mín*, 1832-80), an t-aon pháiste a luaitear leo sa chlárleabhar. Tharla go bhfuil an chuma air gur iompaigh Luke Daly agus Peadar Dubh thart ar an am céanna, agus mar gheall ar an difríocht aoise a bhí ann eatarthu, déarfainn go coinníollach gur duine de na páistí is sine dár rugadh do Pheadar Dubh agus dá bhean é Luke Daly. Má ba mhac le Peadar Dubh é, d'fhéadfadh sé go raibh sé suas le 24 bliana d'aois nuair a thosaigh sé a theagasc in 1834.



Protastúnach, agus is dóigh gur dhuine de na páistí ba shine a rugadh do Pheadar Dubh Ó Dálaigh é an Luke Daly seo.

Is dóigh gur lean Peadar Dubh air ag cóipeáil lámhscríbhinní, ach is beag acu atá ar fáil anois, agus níor nós dó i dtólamh dátaí a chur lena chuid oibre. Scríobh a sheanchara, Peadar Ó Gealacháin, nóta gearr ar an 17 Feabhra 1843 ar amhrán de chuid Pheadair Dhuibh a bhí sé tar éis a ghrafadh, *A mháistrí Gaelach' a ghéilleas do Shacsanaigh*. Sa nóta seo, tugann Peadar Ó Gealacháin le fios go raibh Peadar Dubh beo, agus go raibh sé tar éis iompú ina Phrotastúnach, sin agus go raibh sé ina bhall den *Irish Society* ab ábhar sciollta dó san amhrán féin na cianta roimhe sin,

Reader, you are to understand that the Author of the above song is in existence, and is a most famous Irish scholar, and a writer of that language. He was heretofore a Roman Catholic, and has since reformed, and conformed to the Establish'd Church. He composed the above song a long time before he reformed, against the Kildare Street proselytes [*sic*], but afterwards became *one* himself.<sup>2389</sup>

Is léir ó dhátaí breithe na bpáistí a luadh thuas gur iompaigh Peadar Dubh ina bhall den Eaglais Phrotastúnach (Eaglais na hÉireann) idir 1834 agus 1839, ach níl a ainm ar na *Convert Rolls* suas go dtí an bhliain 1838. Tháinig leabhar urnaithe Gaeilge amach sa bhliain 1835 faoin teideal *Cláirseach Naomhtha na hÉireann*.<sup>2390</sup> Ba í M. I. Alasdrúin (Mary Jane Alexander) an t-eagarthóir—iníon le hEaspag Protastúnach na Mí, Nathaniel Alexander (Ó Casaide 1934*b*: 142)—agus ghabh sí a buíochas le ‘Peadar O Dálaigh, a bParáisde Airdbreacáin’,<sup>2391</sup> a thiontaigh cuid mhaith de na hurnaithe a bhí sa leabhar go Gaeilge. Ní léir go raibh Peadar ina Phrotastúnach ag an bpointe seo, áfach, ach is dóigh nár Chaitliceach diongbháilte é, cibé rud é, faoin

<sup>2389</sup> DE Gen. 43D, Ich 384. Tá an 17 Feabhra 1843 mar dháta leis an nóta sin.

<sup>2390</sup> Tugtar eolas i dtaobh na dtrí leabhar urnaithe seo a raibh baint ag Peadar Dubh leo—*Cláirseach Naomhtha na hÉireann* (1835), *Cara an Pheacaidhe* (1837), agus *Teagasg Críosduighe an Fhíorchreidmheach ag Taisbeanadh Príomh Earraidibh Eaglais na Roim[h]e* (1841) sa *Chlólíosta*.

<sup>2391</sup> Ó Casaide (1934*b*: 142). Tá an Bóthar Mín suite laistigh de limistéar an pharóiste Phrotastúnaigh a dtugtar Ard Breacáin air, ach is paróiste Caitliceach ar leith é.

am sin. Thug sé cuidiú di arís dhá bhliain ina dhiaidh sin nuair a sholáthair sé aistriúchán de dhán cráifeach eile, ‘Tá Súil Dé—Ort. Glac Rabhadh’. Chuir M. J. Alexander sin i gcló ina leagan Gaeilge de *The Sinner’s Friend, Cara an Pheacaidhe* (1837). Thart ar an am ar iompaigh siad, d’fhág Peadar Dubh agus a bhean Margaret an Bóthar Buí. Dhealródh sé go raibh cónaí ar Pheadar Dubh sa Ghráinseach i lár na bliana 1839, óir ba ann a chuir sé a *Letter to the Rev. Mr. Callery* (1839) i gcrích ar an 25 Meitheamh 1839, paimfléad ocht leathanach ina míníonn sé go beacht an fáth ar iompaigh sé.<sup>2392</sup> Bhí cónaí ar Pheadar Dubh agus a bhean i mBaile Átha Buí, áfach, nuair a pósadh iad den dara huair ar an 11 Samhain 1839 sa teampall Protastúnach, le go dtabharfaí aitheantas ceart dóibh mar lánúin phósta, is dóigh.<sup>2393</sup> Chríochnaigh sé *Teagasg Críosduighe an Fhíorchreidmheach ag Taisbeaneadh Príomh Earraidibh Eaglais na Roim[h]e* i mBaile Átha Buí fosta,<sup>2394</sup> ní a cuireadh i gcló in 1841; agus chuir sé ábhar chuig Peadar Ó Gealacháin nuair a bhí sé ag tiomsú a mhórshaothair, *Réimchnuasacht Pheadair Uí Ghealacháin*, an lámhscríbhinn cháiliúil úd Dhún Éideann, DE Gen. 43D, a tiomsaíodh idir an bhliain sin agus 1844. Bhí Peadar Dubh fós ag cuidiú le Peadar Ó Gealacháin tar éis an 5 Feabhra 1844, agus cé gur dócha go raibh sé ina bheatha i mBaile Átha Buí thart ar mhí Mhárta na bliana 1844,<sup>2395</sup> níl trácht air ina dhiaidh sin; dhealródh sé gur scaipeadh a chuid

<sup>2392</sup> Tugtar nóta ar an leabhar seo in Anon. (1909: 63).

<sup>2393</sup> Féach an t-eolas a thug Ó Casaide (1936c: 111) i dtaobh an phósta seo: ‘On 9th August, 1841, the Rev. Robert Noble, Protestant Minister of Athboy, certified to the Trustees of Charleton’s Charitable Fund that on the 11th November, 1839, in the parish of Athboy Peter (son of Luke) Daly of Athboy was married to Margaret (dau. of John) Maxwell. Probably the marriage was in Athboy Protestant church’.

<sup>2394</sup> Tugtar ag deireadh an leabhair leagan den rann a d’úsáideadh Peadar Dubh agus Peadar Ó Gealacháin ina gcuid scríbhinní:

‘A Leightheoir ghraidh’ cur do phaidir,  
 Chum Mhic De, air son Pheadair,  
 ‘Snach raibh tu choídhch’ a gcás trúaighe  
 ‘Sé so mo ghuidh’ a nAthbúaidhe.

Peadar ua Dalaigh’ (Ó Casaide 1934b: 142).

<sup>2395</sup> Mar seo a thrácht Peadar Ó Gealacháin ar aistriúchán le Peadar Dubh Ó Dálaigh in LN G1152, lch 5: ‘This song was translated ... By Mr. Peter Daly. Athboy’, rud a thugann le fios gur dócha go raibh Peadar Dubh beo fós, óir is ar éigean nach mbeadh a fhios ag cara maith leis dá mba rud é go raibh sé

lámhscríbhinní tar éis a bháis i ngach treo, agus gur scríosadh an chuid is mó acu le himeacht aimsire.<sup>2396</sup> Glactar go forleathan le traidisiún béil gur fhill Peadar Dubh ar an Eaglais Chaitliceach ag deireadh a shaoil, agus go bhfuair sé bás sa Bhóthar Míntart faoin mbliain 1861, scéal a chuir Ó Muirgheasa (1934a) agus Ua Brádaigh (1960) ar phár ó bhéal seandúine áitiúil, Paddy Cosgrove, ach is baolach go bhfuil lúb ar lár éigin ann.<sup>2397</sup> Chreid eagarthóir *Irisleabhar na Gaedhilge* gur bhain scéilín eile a d'fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa (Ua Muirgheasa 1905: 7) leis an scríobhaí, ach is beag atá sa scéal dáiríre a thacódh leis an tuairim sin, ach gur thaitin deoch le Peadar an scéil agus le Peadar an scoláire.<sup>2398</sup>

---

marbh. Tá an dáta 28 Márta 1844 le léamh ar fhordhuilleog na lámhscríbhinne seo i bpeannaireacht shlachtmhar Pheadair Uí Ghealacáin, agus an 18 Meitheamh 1844 ar lch 122. Is deimhin go raibh Peadar Dubh ina bheatha ar feadh tamall éigin i ndiaidh an 5 Feabhra 1844; féach nóta 2355 thuas, nó DE Gen. 43D, lch 689, áit a scríobhann Peadar Dubh nóta ar leathanach a scríobh Peadar Ó Gealacáin ar an 5 Feabhra 1844. Féach fosta an nóta a scríobh Peadar Ó Gealacáin an 17 Feabhra 1843 in DE Gen. 43D, lch 384, nóta atá i gcló agam i gcorp an chuntais thuas, agus tá cinn eile sa *B.M. Cat.*, ii, 138, agus in Ó Muirgheasa (1933: 152; 2015: 309-10).

<sup>2396</sup> Tá an lámhscríbhinn as ar bhain Peadar Ó Gealacáin cuid mhór d'ábhar DE Gen. 43D (féach nóta 2380) imithe ó thuairisc, agus níl againn ach leid amháin gur thosaigh Peadar Dubh ar an *Iliad* a aistriú go Gaeilge, tagairt a rinne Peadar Ó Gealacáin do lámhscríbhinn chaillte de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh i gcatalóg a bhí in OB G14, 'Homer's Iliads [*sic*] translated from the Greek into Irish verse by Peter Daly, Ardbracken, Co. Meath'. Is soiléir nach raibh ann ach blogh den téacs nó sliocht as, óir líon sé lgh 43-51 den lámhscríbhinn amháin. Bhí cóip de 'Mairgne Pheadair Uí Ghealacáin' sa lámhscríbhinn chéanna, agus b'fhéidir nach olc an léiriú é ar thoirt an leabhair, agus ar a raibh d'aistriúchán Pheadair Dhuibh ann, gur líon an mhairgne tuairim is trí leathanach (lgh 5-7). Gheofar tuilleadh eolais faoi na catalóga seo, a cuireadh le chéile c.1851-2, dar liom, in Aguisín 15. Is baolach go bhfuil na lámhscríbhinní ónar cóipeáladh cuntas ar chaisleáin na bPluincéadach do lucht na Suirbhéireachta Ordanáis (Anon. 1858: 42), lámhscríbhinní a bhí i seilbh Pheadair Dhuibh ansin, caillte fosta. Bhí trí lámhscríbhinn de chuid a chnuasaigh, ARÉ 23K37 (152), ARÉ 23A25 (628), agus ARÉ 23A32 (786), sa chnuasach mór a cheannaigh Acadamh Ríoga na hÉireann ó Hodges and Smith in 1844, agus bhronn John A. Nicholson, Baile an Rátha, lámhscríbhinn eile leis, ARE 24B4 (970), ar an Acadamh in 1865; féach nóta 1538.

<sup>2397</sup> Déantar plé ar na traidisiúin i dtaobh bhlianta deiridh a bheatha in Aguisín 11.

<sup>2398</sup> Mar seo a thráchtann an t-eagarthóir [? Seosamh Laoide] ar an scéal: 'Sinne mar fhinné air gur thuit scéal Pheadair Uí Dhálaigh amach, nó marar thuit ba chóir dó soin. B'é an Peadar Ó Dálaigh seo gan amhrus a scríbh an leabhar "Reeves 862" san Agadaimh [.i. ARÉ 24P31 (1075)]; agus ar leathanach 390 gheibhmíd an nóta so leanas i scríbhinn Pheadair féin: "Ghonadh [*sic*] í sin Toruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne conuige sin; agus éirigh suas, a Mhuiread, agus tabhair an buidéal leat anuas anseo ag (chuig) Peadar Ua Dálaigh, mur tá se cortha tinn" Ní beag soin mar dheimhniúghadh ar scéal Énrí Uí Mhuirgheasa' (Anon. 1905: 819 col. b).

**SPP.** Bloghanna éagsúla: rann chuig Henry Hamilton, nóta ar logainm, dán leis an Ard-Easpag McHale. Baile Gall, Mainistir Bhuithe, An Lú 1865. Do *Henry Hamilton*,<sup>2400</sup> agus do *Sheaghan Ó Néill*.<sup>2401</sup>

Bhí cóip den téacs ‘Foras Feasa air Éirinn’ i lámh anaithnid de chuid na 18ú hAoise, maille le giotáí beaga ó lámh Shéamuis Uí Dhobhailin (mhic Patrick mhic John Dolan) é féin ar coimeád i measc pháipéir mhuintir Dhobhailin sna 1960í i mBaile Gall, áit atá gar do Mhainistir Bhuithe, Co. Lú. Chuir Réamonn Ó Muireadhaigh (1970: 398-400) cuid acu i gcló, agus bronnadh an lámhscríbhinn ar Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad, ar an 8 Bealtaine 1973, áit a bhfuil sí faoi láthair faoin uimhir phreasa MN LM2.<sup>2402</sup> Ní fios dúinn cá ndeachaigh na blúirí féin. Scológ mhór ab ea Séamus, agus bhí cónaí air i mBaile Gall ar feadh a shaoil, áit a raibh cónaí ar a athair agus ar a sheanathair roimhe fosta. Choinnigh Séamus agus a mháthair, Mary Lawless (*ob.*1846),<sup>2403</sup> leabhair chuntais, agus go grinn féin. Tráchtar orthu in Ó Muireadhaigh (1972). Ní fios cé uaidh ar fhoghlaim Séamus léamh agus scríobh na Gaeilge, ach is cosúil gur labhair sé óna óige í. Mionfhile a bhí ann fosta. Is beag dá shaothar cumadóireachta atá againn, ach chuir Ó

<sup>2399</sup> Shínigh sé a ainm mar ‘S[h]eumas O’Daoláin’ le blogh amháin atá i measc a chuid páipéar, de réir dealraimh; féach Ó Muireadhaigh (1968: 398). Úsáideann Ó Muireadhaigh (1970) an leagan ‘Ó Dúláin’ san aiste a scríobh sé air.

<sup>2400</sup> Chuir Séamus Ó Dobhailin rann chuig Henry Hamilton, Sr. na gCapall, Droichead Átha, a lorg snaoisín sa bhliain 1865. Chuir Ó Muireadhaigh an rann, agus aistriúchán Shéamuis Uí Dhobhailin air, i gcló in Ó Muireadhaigh (1970: 398-9), agus tugaim an leagan Gaeilge i gcorp an chuntais seo. Níl mórán ar eolas agam faoi Henry Hamilton.

<sup>2401</sup> Tugtar nóta in Ó Muireadhaigh (1970: 398) ar chóip d’amhrán de chuid an Ard-Easpaig McHale a scríobh Séamus Ó Dobhailin mar bhronntanas Nollag ‘Chum an saoi / Seaghan Uí-Néil / Droichead-átha’. Níl a fhios agam cérbh é Seaghan Ó Néill. Níl dáta leis an mblogh sin.

<sup>2402</sup> MN LM2. Baineann an lámhscríbhinn seo leis an 18ú hAois. Tá cuntas catalóige ar MN LM2, agus na blúirí a bhí istigh léi nuair a scrúdaigh Réamonn Ó Muireadhaigh í, in Ó Muireadhaigh (1970); tráchtar ar an lámhscríbhinn amháin san *M.N. Cat.*, viii, 203-4.

<sup>2403</sup> Féach an t-eolas a thugann Ó Muireadhaigh (1972: 235) i dtaobh Mary Lawless, ‘Mary Lawless, his mother, died 1846. Her brother, Matthew Lawless, wrote to James from Mount Hope, February 23, 1847: “I just received yours of the 17 Decr last giving the melancholy news of the death of your parent my beloved sister...”’ Má dhéantar ceartúchán ar an gcóip d’inscríbhinn na leice uaigne a thugtar i gcorp an chuntais thuas de réir chaint na litreach sin, is cosúil gur cailleadh í ar an 12 Nollaig 1846.

Muireadhaigh (1970: 398-9) rann achainíoch i gcló a scríobh Séamus chuig Henry Hamilton, Sr. na gCapall, Droichead Átha, sa bhliain 1865. Ós ceann de na bloghanna is déanaí atá againn ón dúiche sin é rann Shéamuis—mar pháosa cumadóireachta agus mar pháosa scríbhneoireachta, is fiú é a thabhairt arís,

Baile-ghall mdccdxv

Mo chairde measamhuil

Go neartamhuil baramhuil cliste croidhamhuil

Lion mo bhusca dhíl, gan faon staon no sgith

Le snísín deagbhlasta milis rioghamhuil

Níl le faghail a n'ait aile air bith

Seumas O' Daoláin

Do'n duine uasal dar bhinim / a m'bearla, Henry Hamilton / Sráid na  
g-capuill, Droichead-átha.<sup>2404</sup>

Adhlacadh cuid de mhuintir Shéamuis in dhá uaigh i reilig an Phoirt, ar a bhfuil na hinscríbhinní bearnacha seo a leanas,

- [1] In memory of John Dolan Gaulstown died Nov. 1787 and his descendants.  
Joseph Dolan died 7 Jan. 1921. His wife Margaret died 16 April 1956 R.I.P.

Ba mhac le Séamus an scríobhaí an Joseph Dolan seo, mar a fheicfear ar ball. Tugtar an méid seo ar an dara cloch,

- [2] HIS Here lie the remains of John Dolan of Gaul.t.. and his wife Margt Leonard. John died . . . 1788 aged 70 yrs. Margt died June 25th 17.. aged 82 years. Also his son Patk died 8th Sep 1800 aged .6 yrs. Also his wife Mary La.. who died Decr 12th 1818 aged 75 yrs. And his sister Mar... Dolan who died June 20th 1836 aged 80 yrs [*sic*]. Here also lieth the late James Dolan son of the above Patk Dolan who depard [*sic*] this life . . . 17th Decr 1868 aged 68 years. And his beloved wife Cath. who died . . . 1848 aged 29 yrs. Also their son Patk who died young. Also Christopher Do... ..o died the 4th o. April 1869 aged (7)6 years. May they rest in peace.<sup>2405</sup>

[Léitear 'Decr 12th 1846' in ionad 'Decr 12th 1818' i *l.* 3 thuas, agus 'aged (2)6 years' i *l.* 7]. Níl taifead de phósadh Shéamuis Uí Dhobhailin agus a mhná, Catherine

<sup>2404</sup> Mar a fuair mé an rann in Ó Muireadhaigh (1970: 398-9). Tá aistriúchán Béarla i gcló ann fosta. Léitear MDCCCLXV in ionad MDCCDXV. Is cosúil gur botún clódóra atá ann.

<sup>2405</sup> I gcló in Mallon & Ross (1986: 211).

Nulty (c.1819-1848), i gclár Mhainistir Bhuithe, ná in áit eile, go bhfios dom, ach tá ceathrar páistí leo luaite i gcláir baistí an pharóiste: Margaret Dolan (1840), Patt Dolan (1842), Christy Dolan (1843-1869), agus Joseph Dolan (1844-1921);<sup>2406</sup> thuigfí ón tuairisc a thugann Ó Muireadhaigh (1972: 235) ar an gcóip d'uacht Shéamuis Uí Dhobhailin<sup>2407</sup> a chonaic sé i seilbh a gharmhic, Patrick Dolan (1914–),<sup>2408</sup> go raibh páiste amháin eile acu ar a laghad—Mary C. Dolan (*fl.*1869) chuig ar scríobh an tAth. Uileog de Búrca sa bhliain 1869 i ndiaidh bhás a hathar.<sup>2409</sup> Scríobhadh tiomna Shéamuis ar an 17 Nollaig 1867 (Ó Muireadhaigh 1972: 235). Fuair Catherine Nulty, bean Shéamuis, bás sa bhliain 1848 in aois a 29 mbliana,<sup>2410</sup> mar a chonaic muid cheana. Ceapadh Séamus ina ghairdian ar Aontas Dhroichead Átha sa bhliain 1850, agus bhí sé ar an mbord go fóill sna 1860í. Fuair sé bás an 17 Nollaig 1868, de réir na leice uaighe, ach is dóigh nár cláraíodh teastas riamh. Scríobh an tAth. Uileog de Búrca, Uachtarán Choláiste Naomh Iarlaith, ar an 12 [? Eanáir] 1869 chuig Mary C. Dolan, mar a luadh thuas, ag cur cóip de leabhar a bhí sé tar éis a scríobh chuici. Dhealródh sé go raibh sí díreach tar éis scéala a chur chuige i

<sup>2406</sup> *Clár na mBaistí, Mainistir Bhuithe*, 1834-59:

‘12 [Márta 1840]. Marg<sup>t</sup> of James Dolan & Cath. Nulty. Sps. William Boyl(an?) & Miss Nulty’.

‘1<sup>st</sup> [Eanáir 1842]. Patt of James Dolan & C. Nulty. Sps. Patt Nulty & C. Dolan’.

‘11 [Aibreán 1843]. Christy of Ja<sup>s</sup> Dolan & C. Nulty. Sps. Patt McDonnell, M. Dolan’.

‘28 [Márta 1844]. Joseph of Ja<sup>s</sup> Dolan & B. Nulty [*sic*]. Sps. James Dolan, M. Nulty’.

Maidir leis an iníon eile, Mary C. Dolan, féach nóta 2411, áit a bhfuil leagan Gaeilge dá hainm.

<sup>2407</sup> Níor claraíodh an cháipéis seo, agus níl cóip di ná tuairisc uirthi sa Chartlann Náisiúnta, mar sin.

<sup>2408</sup> Mac le Joseph Dolan (1844-1921) atá sa Patrick Dolan seo. Phós Joseph Dolan Margaret M. McGovern (c.1888-1956) go déanach ina shaol ar an 24 Samhain 1908 i Mainistir Bhuithe (*OAC*, Cláruimhir: 1924799). Rugadh páiste amháin eile dóibh, Mary Dolan. Fuair Joseph Dolan bás i mBaile Gall an 7 Eanáir 1921, ach níor claraíodh a bhás go dtí an 8 Aibreán 1927 (*OAC*, Cláruimhir: 1833552, faoin mbliain 1927). Cailleadh Margaret Mary Dolan ar an 16 Aibreán 1956, in aois a 68 mbliana (*OAC*, Cláruimhir: 2321283). Tá síniú a mic, Patrick Dolan, ar an teastas báis, an té ag a raibh MN LM2 nuair a scríobh Ó Muireadhaigh (1970) tuairisc uirthi.

<sup>2409</sup> Ní féidir liom teacht ar theastas baiste Mary C. Dolan sa chlárleabhar, ach is fiú a lua go bhfuil iontráil eile ann,

‘23 [Bealtaine 1837]. Catherine of Ja<sup>s</sup> Dolan & B. Marley. Sps. Patt Treanor, Mary Taaffe’.

Ní fios cé hí an bhean atá i gceist sa taifead sin, áfach. An féidir gur dearmad pinn an t-ainm Margaret a bheith luaite ar theastas baiste a iníne i nóta 2406 thuas? Tá clár na n-adhlacthaí easnamhach.

<sup>2410</sup> Tá clár adhlacthaí ar fáil don pharóiste don tréimhse seo, ach ní luaitear Catherine Dolan ann. Is dócha nach gelúdaíonn an clár gach reilig sa pharóiste.

dtaobh bhás Shéamuis, agus is i bhfreagra an Ath. Uileog a fhaigheann muid an cuntas is fearr atá againn ar chumas Shéamuis sa Ghaeilge,

Dear Miss ... I send you the book. I write my name, as you directed. I say in Irish: To M.C. Dolan from him who wrote this book, in remembrance of the friendship & the great learning of her father. He had a great knowledge of the Irish language. I met few men who had so free a knowledge of it. He not only wrote it as a mere writer, but he composed well & thought clearly in that language. He told me he wd come to visit me. I wondered lately when I did not hear from him. ...<sup>2411</sup>

Ní heol dom go raibh baint aige leis an gcumann gaelach i nDroichead Átha.

#### 2.147. Toirdhealbhadh Ó Dobhailin, fl.1718

**ARÉ C.vi.1(1) (936).** Cuid di.<sup>2412</sup> ‘Gabháltas na hÉireann agus Naomhsheanchus na Naomh nÉireannach’, dánta le Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Giolla Modhubhda [Ó Caiside], Dubhthach Ó Duibhgeannáin, Mathghamhain Ó Duibhgeannáin, Éamonn Ó Caiside, Fionntan, Lughaidh, Maoilir Mac Bruaideadha, Donnchadh Ó Maoil Chonaire, Maoilín Ó Maoil Chonaire, trácht ar an gCeas Naoidhin, ‘Comhaimsireadh Ríghthe Éireann 7 Ríghthe Cóigeada 7 Ríogh Alban’, trácht ar na Trí Colla, annála, ‘Réim Ríoghraidhe na hÉireann’, ‘Seanchas na Naomh nÉireannach’. 1718. Do *Bhrian Mhag Uidhir*.<sup>2413</sup>

Grafadh na duilleoga i dtreo dheireadh ARÉ C.vi.1(1) (936) i mí na Nollag 1718, agus tá dán, *Mór damhna mo thuirse féin*, leis an scríobhaí, nó le ‘Toirdhealbhadh O

---

<sup>2411</sup> Is in Ó Muireadhaigh (1970: 400) a fuarthas seo. Tá an inscríbhinn Ghaeilge i gcló aige fosta, áit a dtugtar ‘Maire C. Nigh Dulain’ ar an iníon.

<sup>2412</sup> Luadh sa chuntas ar Shéamus Bacach Mhag Uidhir i gCaib. 2.107 gur áitigh Ó Muraile (2006: 210) gur scríobh Séamus Bacach an dá chuid de ARÉ C.vi.1 (936), agus gurbh é Toirdhealbhadh Ó Dobhailin scríobhaí na heiseamláire a cheadaigh Séamus Bacach le linn dó a bheith ag cóipeáil na chéad choda, ach is dóigh liom gurbh é Toirdhealbhadh Ó Dobhailin a ghraf ARÉ C.vi.1(1) (936). Féach nóta 1948 thuas.

<sup>2413</sup> Féach nóta 1936 thuas.

Dolan' éigin eile, sa dara cuid den leabhar, ar thionscain Séamus Bacach Mhag Uidhir é ní ba luaithe sa bhliain chéanna. Ní éasca cur leis seo, ach is fiú a lua athuair gur i bpeannaireacht Thoirdealbhaigh Uí Dhobhailin atá an réamhrá fada a cuireadh le ARÉ C.vi.1 (936), ar a dtugtar *Leabhar Chnoic Ninne*, agus is dóigh gurbh é Toirdhealbhadh a cheap an réamhrá sin fosta. Más fíor sin, ba scríbhneoir sármhaith próis é.

Tá nóta spéisiúil ar imeall leathanaigh in COBÁC C5, ar scríobhadh an chuid is mó di in 1733 ar son Fheidhlim Uí Dhobhailin:<sup>2414</sup> ‘Do g[h]eallus an sgríbhinnsi d’f[h]ágbhail faoi mo laimh — [..] O Doilén maille le seula do mo chuid fola & as coir a dheanamh oir as me Toirdhealbhadh O Doailen’.<sup>2415</sup> Ní féidir a bheith sásta, mar gheall ar an bpeannaireacht, gurbh é scríobhaí ARÉ C.vi.1(1) (936) a scríobh an nóta seo, áfach. Faightear an litriú aisteach céanna den sloinne sin i nóta a bhreac ‘Philip O Doailen’ sa bhliain 1752 ar lámhscríbhinn<sup>2416</sup> a bhaineann le Séamus Bacach Mhag Uidhir.

**2.148. Pádraig Ó Doibhlin, fl.1726-7<sup>2417</sup>**

[Patrick Devlin]

**LB Eg. 164.** Formhór di.<sup>2418</sup> ‘Suirghe Ghuill’, laoithe fiannaíochta,  
‘Jacobides agus Carína’, ‘Oidhe Chloinne Tuireann’, ‘Oidhe Chloinne

---

<sup>2414</sup> Féach nóta 1933 thuas.

<sup>2415</sup> COBÁC C5, lch 18, san imeall uachtarach. Chóipeáil mé an nóta sin as catalóg neamhfhoilsithe T. F. Connolly (c.1914).

<sup>2416</sup> Tá barr na litreacha sa chéad líne den nóta ina luaitear Philip Ó Doailen doléite mar gheall ar stiall bheag páipéir a úsáideadh le ceangal úr a chur ar an lámhscríbhinn, sa dóigh go bhfuil an chuma ar an nóta gur scríobh ‘Puris O Doailen’ é, mar a deirtear san *R.I.A. Cat.*, 1840, ach léim ‘Arna sgríob[h]a le Philip O Doailen this 4<sup>th</sup> day of Aprill 1752’, ARÉ 23N6 (584), lch 57. Féach fosta gur shínigh daoine eile dar shloinne sin lámhscríbhinní le Séamus Bacach Mhag Uidhir: John Dolan, an 5 Eanáir 1759, ARÉ 23A30 (363), lch 86; Charles Dolan, nóta Laidine, ARÉ 23A30 (363), lch 150; Phelim O’Dolan, ARÉ 23K48 (547), lgh 20, 90.

<sup>2417</sup> Ní dóigh liom, ar scrúdú na peannaireachta dom, gur scríobh Pádraig Ó Doibhlin lárchuid na lámhscríbhinne LB Eg. 161. Féach an *B.M. Cat.*, ii, 13, agus an plé a dhéantar ar LB Eg. 161 mar chuid den chuntas ar Roibeard Mhag Uidhir i gCaib. 2.106 thuas.



hUisneach’, ‘Ceithearnach Uí Dhomhnaill’, ‘Bruidhean Chaorthainn’,  
‘Oidhe Chloinne Lir’. 1726-7.

**LB Eg. 174.** ‘An Teanga Bhithnua’, dánta le Séathrún Céitinn, Muiris mac  
Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt, Diarmaid Ruadh Mac an Bhaire, Eoghan Ó  
Donnghaile, Eoghan Ó Dubhthaigh, Gilla Modhubhda [Ó Caiside],  
[Maolmhuire Ó hUiginn, Tadhg mac Dáire Mhic Bhruaideadha], Eoghan  
Ruadh Mac an Bhaire, [Cathal Mag Ruaidhrí], ‘Dán Néill Fhrasaigh’ [le  
Tadhg Camchosach Ó Dálaigh], dán ar an gCáin Domhnaigh, laoi  
fiannaíochta, ‘Tóraidheacht na Croiche Naomhtha’. Do *Chonn Ó Néill*.<sup>2419</sup>

---

<sup>2418</sup> Tá an lámhscríbhinn seo uilig, seachas ff. 1-2b, 197b-205b, in aon láimh amháin, dealraíonn sé, atá sínithe ag ‘Padraig O Doibhlin’ nó ‘P<sup>n</sup> O Doibhlin’ ar ff. 105, 127, 179. Scríobhadh cuid mhaith nótaí gairide le cúpla bliain anuas ar Phroinsias Doimhléin (Ó Doibhlin) (*ob.c.*1735), bráthair agus file Gaeilge a cheap rann ar Ghearóid Mac Con Midhe, *Gach craiceann libh dár feannadh*. Féach, mar shampla, Mhág Craith (1980: 268-70), agus Harrison (1988: 38, 40). Sa litir a scríobh Seon Mhac Solaidh chuig Risteard Tuibear ar an 28 Eanáir 1718, litir a bhfuil cóip di sa phlé ar Sheon Mhac Solaidh i gCaib. 2.102, tagraíonn sé don ‘abhran do sgríobh P<sup>n</sup>: Doibhlin’. Glactar leis ó aimsir Walsh (1933: 203) ar aghaidh gurb é an tAth. Proinsias atá i gceist sa litir ag Seon; féach Mhág Craith (1980: 268), srl. Scaoileann Walsh (1933: 199) an nod mar ‘Proinnsias’. Nuair a chuir Ó Cuív (1964-6) an litir in eagar arís, scaoil sé P<sup>n</sup>: mar ‘Pra:’ agus is féidir glacadh leis go ndearna sé sin ar an tuiscint gurbh é ‘Proinsias’ an léamh ceart. Tá dhá léamh le baint as an mbriathar *scríobh*, ar ndóigh: (1) gur cheap Ó Doibhlin an t-amhrán atá i gceist ag Seon, nó (2) gur ghraf sé cóip de.

Dhealródh sé go raibh baint ag Pádraig Ó Doibhlin le lucht scoil Bhaile Átha Cliath, nó tá téacsanna de chuid na scoile sin ina chuid lámhscríbhinní, agus cosúlachtaí idir a chuid lámhscríbhinní agus leabhair Sheoin Mhic Sholaidh ó thaobh ábhair agus leagan amach. Duine eile a shamhlófaí leis an mbeirt acu, agus a gcuid oibre, is ea Mícheál Ó hAirt (*q.v.*), ó tharla a chosúla le cuid peannaireachta Sheoin atá peannaireacht na haon lámhscríbhinne amháin atá againn ó láimh Mhíchíl Uí Airt, sin agus an leas a bhain sé—cosúil le Pádraig agus Seon—as marcanna ceangaltóra. Pléadh na ceangail idir an triúr seo i gCaib. 1.2.3, 1.4.1.2, agus 1.4.6.1 thuas, agus is dóigh go mbíodh an triúr acu ag cuidiú lena chéile. Ghraf Pádraig Ó Doibhlin trí lámhscríbhinn, agus i gceann acu, LB Eg. 164, úsáidtear an nod sin P<sup>n</sup> i gcuid de na colaíon dar dáta 1726 agus 1727: áit a bhfuil ‘Padraig O Doibhlin’ sa cholafon ar f. 105, scríobhann Pádraig ‘... *airna sgríobhadh* le P<sup>n</sup> O Doibhlin ...’ ar f. 127, agus ‘*Airna sgríobhadh* le P<sup>n</sup> O Doibhlin ...’ ar f. 179. Mar gheall ar an léamh a rinne Walsh (1933) agus Ó Cuív (1964-6) ar an nod seo, d’fhéadfadh sé gur ghraf beirt scríobhaithe (Pádraig Ó Doibhlin agus Proinsias Ó Doibhlin) príomhchuid na lámhscríbhinne seo, murab é go bhfuil léamh eile ar P<sup>n</sup> i gceist. Is follas ó cholafon san aon lámhscríbhinn le Mícheál Ó hAirt atá againn gur thuig sé gur nod ar an ainm ‘Pádraig’ a bhí in P<sup>n</sup>, óir deir sé linn gur ghraf sé an leabhar ‘a mBaile an Taich a bporraisde Dhomhnach P<sup>n</sup> a ccondae na Midhe, 7 a mbaruntacht Cheannannais...’, ARÉ 23C1 (371), lch 504. Dhomhnach Phádraig atá ar an bparóiste sin, gan amhras, agus taispeánann an méid seo go raibh an nod seo in úsáid le haghaidh ‘Pádraig’ i gCo. na Mí ag tús na 18ú hAoise. Is é an míniú is simplí ar an scéal go raibh Seon Mhac Solaidh ag tagairt do Phádraig Ó Doibhlin sa litir, agus nach féidir linn a bheith sásta gur bhuail Seon Mhac Solaidh le Proinsias Doimhléin riamh.

<sup>2419</sup> Níl eolas ar fáil faoi, agus ní féidir liom teacht ar aon eolas a ligfeadh dúinn eisean a cheangal le hathair na hiníne dár chum Séamus Mac Cuarta *Iníon álainn Choinn Uí Néill*, mar a thuairimigh Ó Mórdha (2004: 79), agus Ní Mhungaile (2011: 137; 2014: 113; 2015: 558). Tá an dán in eagar in Ó

MN C20.<sup>†2420</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’.

Tá drochbhail ar na trí lámhscríbhinn seo. Ba cheart an cléireach é Pádraig Ó Doibhlin, agus is dóigh le Lesa Ní Mhunghaile (2011: 136, 2014: 113; 2015: 558; 2016: 78) gurbh as Dún Seachlainn é, ach chuaigh díom fianaise ar bith a aimsiú a thiocthad leis sin. Mura fíor gurbh as Dún Seachlainn dó, is dócha, cibé rud é, nárbh fhada ón áit sin a bhaile dúchais. Mheas Robin Flower gur bhain sé le Co. na Mí ar ábhar éigin nach mínítear, *B.M. Cat.*, ii, 13; agus tá cosúlacht éigin idir a lámh agus an stíl pheannaireachta a chleachtaíodh leithéidí Sheoin Mhic Sholaidh, Mhíchíl Uí Airt, Phádraig Uí Raghallaigh [1], agus Henrí Mhic Mhuircheartaigh (*qq.v.*), scoláirí a mbíodh cónaí orthu i ndeisceart Cho. na Mí le linn a ré: is dóigh gurb é Pádraig Ó Doibhlin an ‘P<sup>n</sup>: Doibhlín’ dár thagair Seon Mhac Solaidh i litir a scríobh sé chuig Risteard Tuibear an 28 Eanáir 1718.<sup>2421</sup> Ba thréith neamhghnách de chuid na scríobhaithe seo uilig marcanna ceangaltóra a úsáid ina gcuid lámhscríbhinní. Is eol dúinn go raibh MN C20 in Philpotstown,<sup>2422</sup> gar don Uaimh, i lár na 19ú hAoise.<sup>2423</sup> Rud eile, thug Pádraig de Brún (1999: 90) faoi deara go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir na leaganacha den phíosá ‘An Teanga Bhithnua’ atá in LB Eg. 174 agus in SPAA (*a*),

---

Gallchóir (1971: 27, 81), áit a dtugtar nóta ó COFLA D7, lámhscríbhinn le hArt Mhac Bionaid, a thugann le fios gurbh as Baile Mhic Scanláin do Chonn Ó Néill an dáin.

<sup>2420</sup> Mar seo a dhéanann an Moins. Ó Fiannachta cur síos ar an leabhar: ‘382 lch, uimhrithe 50-257, 1-174. Lgh cailte óna tosach agus óna deireadh. An duilleog dheiridh anois ar bogadh. Gan ainm scríobhaí, log, ná dáta léi. Is dócha gur sa Mhí a scríobhadh í, agus sin san 18ú hAois. Tá ainmneacha úinéirí agus léitheoirí uirthi mar a thaispeántar inár ndiaidh. Tá píosa páipéir greamaithe laistigh den chlúdach tosaigh le heolas ó E[o]ghan] Ó C[omhraí]: “Names written in this book: page 161. James Mc Intyre. 232. Patt McIntyre, Philpotstown Navan. The book was given me by a very decent fellow, Dennis O’Morissy, a Dublin policeman and piper who is gone to Australia. ... Dublin, June 19th, 1859,”’ *M.N. Cat.*, v, 44-5. Tugtar liosta iomlán de na sínithe atá ar imill na leathanach sa lámhscríbhinn fosta san *M.N. Cat.*, v, 45. Tá an dáta 1849 le síniú eile de chuid James McIntyre ar lch 52; agus tá síniú amháin i nGaeilge inti ar lch 68, ‘Seon Mac Cor’.

<sup>2421</sup> Thug Ní Mhunghaile (2016: 78) faoi deara gur bhreac Seon Mhac Solaidh, Éamonn Ó Raghallaigh, agus Pádraig Ó Raghallaigh [1] cóipeanna de ‘Beatha Chríost’ (i. an dán *Sé lá a bhí Dia ina bhriathra caoine*) thart ar an am céanna, agus gur dócha go raibh aithne acu ar a chéile. Is fiú a lua gur cosúla i bhfad lena chéile peannaireacht Sheoin Mhic Sholaidh, Mhíchíl Uí Airt, agus Phádraig Uí Raghallaigh [1] ná an chuid eile. Ní fhaca mé sampla de pheannaireacht Éamoinn Uí Raghallaigh ó Stigh Colláin, Co. na Mí. Maidir le litir Sheoin Mhic Sholaidh, agus an tagairt a dhéantar inti do ‘P<sup>n</sup>: Doibhlín’, féach nóta 2418.

<sup>2422</sup> Ní féidir teacht ar leagan sásúil Gaeilge, agus baintear leas as an leagan Béarla ar an ábhar sin.

<sup>2423</sup> Féach nóta 2420 thuas.

ar scríobh Éamonn Ó Raghallaigh (*q.v.*) as Stigh Colláin, Co. na Mí, í idir na blianta 1729 agus 1731.<sup>2424</sup>

**2.149. Peadar Ó Doirnín,**<sup>2425</sup> *ob.*1769

**CM L7(3-5).**<sup>2426</sup> ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘Mearbhall Chormaic i dTeamhraigh’ [= ‘Faghail Craoibhe Chormaic’], ‘Feis Tighe Chonáin’. 1740.

**LN G190.** Formhór di.<sup>2427</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’ (leabhair 1, 2 amháin).  
Baile [? Héi]dhne, Dún Dealgan, An Lú. [? 1758].<sup>2428</sup> Do *Sheán Ó Crólugha.*<sup>2429</sup>

Gheofar cuntais ar bheatha an fhile seo, de réir Airt Mhic Bhionaid agus Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme is Niocláis Uí Chearnaigh (*qq.v.*), in O’Daly (1850: 31-5),<sup>2430</sup> Coimín (1895; 1895*a*), Murray (1915*a*: 372-84), Ó Muirgheasa (1915: 342),

<sup>2424</sup> Tá eagrán den tríú leagan as lámhscríbhinn Mhuimhneach i gcló in Dottin (1907). Tá luaite ag Nic Cárthaigh (2014: 212-33, 248-51), a thug faoina staidéar go nua, go bhfuil gaol láidir idir na cóipeanna den téacs in LB Eg. 174 agus LNA 72.2.5, ar ghráf Seon Mac Ciar (*q.v.*) í i gClochar, Co. Thír Eoghain, in 1738, ach is cinnte nach raibh faill aici SPAA a scrúdú, mar nach raibh agam féin.

<sup>2425</sup> Bhí mé thar a bheith pointeáilte agus mionchúiseach faoi na lámhscríbhinní a leag mé ar Pheadar Ó Doirnín anseo, agus tá plé déanta agam ar chuid acu a d’fhág mé as an áireamh, MN B1 agus CM L3 (*b*), áit eile sa chuntas seo. Tá mé deimhniúeach de nár scríobh sé MN LM2, COFLA L12 (*a*), lgh 1-62, ná na codanna de COFLA D2 atá luaite leis, áfach, agus ní bhacaim lena bplé go mion. Tá an script in MN LM2 róchruinn lena haithint le láimh Pheadair Uí Dhoirnín; na codanna sin de COFLA L12 (*a*) a leagadh ar Pheadar, tá siad scríofa i láimh chlaonta de chuid na 18ú hAoise, ach tá an script róthrom lena ceangal le Peadar sa dóigh gur cosúla le láimh Eoin Mhic Cadhaidh (*q.v.*) í—déantar plé air seo i nóta 3077. Féach an *M.N. Cat.*, viii, 203 (agus Ó Muireadhaigh (1970: 397-8)) agus Ó Fiannachta (1980: 4, 20). Maidir le COFLA D2, deir Ó Fiannachta (1980: 4) gur scríobh Eoin Mhic Cadhaidh (*q.v.*) lgh 51-66, 72-82; agus go bhfuil lgh 67-71 i bpeannaireacht Pheadair Uí Dhoirnín (gan síniú). Deir sé gur scríobh Éadbhard Ó hEachaidh an chuid eile, lgh 1-50, 83-98, agus nach bhfuil ach scribleáil ar lgh 99-100. Cé gur dóigh liom gur scríobh Éadbhard Ó hEachaidh lgh 1-50, tá an méid eile, lgh 51-81, 83-98, i bpeannaireacht Eoin Mhic Cadhaidh.

<sup>2426</sup> Baineann an dáta a thugtar anseo le CM L7(3) amháin; tá na codanna eile gan síniú agus gan dáta. Déantar plé ar an dochar a rinneadh don cholafon i gcuid (3) i gcorp an chuntais thuas.

<sup>2427</sup> Tá trí lámh in LN G190, de réir mar a thuigim: **A** (lgh 1-20), lámh dhéanach a chuir cúpla leathanach in áit easnaimh, déarfainn; **B** (lgh 21-38, 375-90), lámh mhaith de chuid lár na 18ú hAoise atá an-chosúil le peannaireacht Phádraig Uí Phronntaigh; **C** (lgh 39-374), lámh Pheadair Uí Dhoirnín.

<sup>2428</sup> Féach nóta 2463 thíos.

<sup>2429</sup> Is dóigh go bhfuil an pátrún seo le ceangal leis an John Crowley (*fl.*1762) ó Bhaile na gCeall Beag, paróiste an Dúin, Co. an Dúin, a ndéantar trácht gairid air i nóta 2463.

<sup>2430</sup> Féach nóta 2437.

O’Sullivan (1932: 12-14, 101-7), Hughes (1987), agus iarrachtaí ar dhul i ngleic leo in Ó Buachalla (1965; 1969), de Rís (1969), Hughes (2001: 513-16), agus Ní Uallacháin (2003: 348-50). Tugtar nóta air in *Beath. 1560-1781*, 126 col. a – 127 col. b. Is ar lámhscríbhinní Pheadair Uí Dhoirnín is mó a bheifear ag díriú anseo. Más gar do Dhún Dealgan, Co. Lú, a grafadh LN G190, ceanglaíonn cuid den seanchas a bhí le cluinstitín thart faoi dheisceart Cho. Ard Mhacha Peadar Ó Doirnín leis an dúiche sin; agus tugann Ó Baoill (2007: 79) a ainm faoi Cho. Ard Mhacha ina liosta scríobhaithe.<sup>2431</sup>

B’fhéidir nár mhiste cuntas gearr a thabhairt ar an dóigh ar múnlaíodh scéal Pheadair Uí Dhoirnín trí na blianta ar dtús.<sup>2432</sup> Is é Peadar Ó Doirnín an t-aon mhórfhile de chuid Oiriaila a bhfuil saothair ina chuid peannaireachta féin againn go fóill,<sup>2433</sup> scríbhinní atá luachmhar as a stuaim féin mar gheall ar chumas an scríbhneora. An méid acu is féidir a cheangal go sábháilte le Peadar Ó Doirnín, níl iontu ach cóipeanna de chumadóireacht daoine eile: próis den chuid is mó. Tosaíodh ar bheatha Pheadair Uí Dhoirnín—agus mórán dá lucht comhaimsire—a scríobh i lár na 19ú hAoise, nuair a bhí cuid mhaith seanchais le cluinstitín orthu go fóill. Bhí Peadar marbh le corradh agus ochtó bliain nuair a tosaíodh ar a scríobh, agus tá a shliocht sin orthu. De réir mar a scaipeadh na scéalta seo ó dhuine go duine, mhúnlaigh lucht a n-aithriste mórán acu ina bhfinscéalta, sa dóigh go mbíonn cuid den fhírinne iontu i gcinnteacht, taobh le háibhéil agus cumadóireacht. Foilsíodh *Irish Minstrelsy* in 1831, leabhar a spreag cuid mhaith de na scoláirí dúchasacha leabhair nó

---

<sup>2431</sup> Áitíonn Ó Baoill (2007: 79) gurbh ‘[i] ndeisceart an chontae’ a bhíodh cónaí air.

<sup>2432</sup> Gheofar an cuntas is fearr ar bheathaisnéisí Pheadair Uí Dhoirnín in Ó Buachalla (1965). Déantar tagairt do na cuntais is tábhachtaí a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme sna blianta c.1832-5 i nóta 2434, mar aon leis na cuntais a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh sna blianta 1844-5 agus 1850. Luaitear an dá chuntas a scríobh Art Mhac Bionaid ar Pheadar Ó Doirnín sna blianta 1843 agus 1844 i nóta 2435.

<sup>2433</sup> I gcás Bhréifne, tá giota amháin ó láimh Fhiachra Mhic Bhrádaigh (*q.v.*) againn go fóill, agus cóip de lámhscríbhinn eile leis.

lámhscríbhinní dá gcuid féin a cheapadh ar chur chuige an tsaothair sin. I measc na leabhar a tosaíodh go luath tar éis a fhoilsithe, tá *Collectanea Grahamea* (c.1832-5)<sup>2434</sup> Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme agus Niocláis Uí Chearnaigh, nó na *Bardic Remains of Louth*, mar a thugtar air corruair. Tá scéal na ndánta bréige agus na beathaisnéise áibhéalaí bladhmannaí a ceapadh faoi choinne an leabhair sin inste cúpla uair anois, agus ní gá dul siar go mion air anseo. Seo éirim an scéil: mar gheall ar an gcáil a bhí ar Pheadar mar fhile, mar fhear scléipe agus mar scoláire Gaeilge, d'fhás mórán traidisiúin bhéaloidis faoi, scéalta a bhí geall le bheith go hiomlán in aghaidh a chéile faoi thús na 19ú hAoise, nó nár tháinig go rómhaith lena chéile, ar a laghad. Nuair a bhí Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme ag gabháil don bheathaisnéis a scríobh, chonacthas dóibh go raibh bearnaí sna scéalta, d'fhéach siad chuig a líonadh, agus rinne siad iarracht ar an móróir scéalta a fuarthas go háitiúil a fhí lena chéile agus beathaisnéis leanúnach a dhéanamh díobh. Níos measa fós, cuireadh mórán dánta i leith Pheadair nár scríobh sé riamh, agus cuid mhaith scéalta áibhéalacha anuas air sin. Bhí Art Mhac Bionaid<sup>2435</sup> ní ba chneasta sa dóigh

<sup>2434</sup> Beathaisnéisí Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme agus Niocláis Uí Chearnaigh: tá leaganacha den bheathaisnéis ar fáil in dhá lámhscríbhinn: na *Sketches* in ARÉ 24L25 (818), ar dréacht luath í; agus leagan foirfe di, an *Memoir*, in COBÁC M17, a scríobhadh in 1834. Ó tharla gur beag atá eatarthu dáiríre, is don *Memoir* féin a dhéanaim tagairt thuas go príomha. Cuireadh na *Sketches* i gcló in O'Sullivan (1932: 101-7). Tá an dá leagan i gcló mar Aguisíní 2, 3 in de Rís (1969). Bhunaigh an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh a chuntas siúd, Murray (1915a), ar a bhfuil sna scríbhinní seo. Tá roinnt litreacha ó Nioclás Ó Cearnaigh chuig Seán Ó Dálaigh, 1844-5, in LN G389(67-78). Tugann siad cuntas ar bheatha Pheadair, agus cuireadh iad i gcló in Ó Buachalla (1965: 139-46). Tá dhá litir eile, agus blogh de MN B1 greamaithe de cheann acu, in COC T<sup>1</sup>59 (59), mír 1(a). Cuireadh iad i gcló in [Ó Donnchadha] (1939: 97-101). Scríobh Nioclás Ó Cearnaigh cuntas eile in ARÉ 23E11 (528) sa bhliain 1850, rud a cuireadh i gcló in Hughes (1987).

<sup>2435</sup> Beathaisnéisí Airt Mhic Bhionaid: nuair a cuireadh nótaí ar bheatha Pheadair Uí Dhoirnín i gcló ar an *Nation* an 1 Aibreán 1843, scríobh 'a correspondent from Forkhill' chuig lucht an pháipéir leis an scéal a chur ina cheart, agus tá cuid den litir seo i gcló ar an *Nation* an 20 Bealtaine 1843. Tá sé le tuiscint as tagairtí a rinne an tAth. Pádraig Ó Luain i litreacha a scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh gurbh é Art an 'correspondent' seo. Féach nóta 1151. Scríobh Ó Buachalla (1965: 124) nóta air seo cheana. An dara cuntas atá againn de chuid Airt Mhic Bhionaid, cuntas a scríobh sé ar son Sheáin Uí Dhálaigh i mí na Nollag 1844, rinne an tAth. Pádraig Ó Luain cóip de atá istigh leis an litir a chuir sé chuig Seán Ó Dálaigh an 12 Nollaig 1844, LN G389(12). Tá giotáí de na litreacha seo i gcló sa chuntas ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40 thuas.

Is léir ón gcomhfhreagrais a chuir Ó Buachalla (1965) i gcló go raibh Seán Ó Dálaigh ag tarraingt go mór ar insint Airt Mhic Bhionaid, trí litreacha an Ath. Pádraig Ó Luain, an tráth ar scríobh sé gearrchuntas air in *The Poets and Poetry of Munster* (1849; athchló: 1850). Mar sin, is féidir a rá gur

sin, ach tá cúpla ceist fós le freagairt faoin dá bheathaisnéis a scríobh sé ar Pheadar sna blianta 1843 agus 1844 faoi seach, agus faoin mbaint a bhí aige le lámhscríbhinní Pheadair. Scríobh Nioclás Ó Cearnaigh beathaisnéis eile arna bunú ar ábhar na *Sketches* agus an *Memoir*, in ARÉ 23E11 (528) sa bhliain 1850. Cuireadh leis an mearbhall seo nuair a chuir roinnt conraitheoirí, Dáithí Coimín agus an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh ach go háirithe, scéalta as na *Collectanea* i gcló. Thaitin spiorad an náisiúnachais atá mar thréith de chuid na scéalta seo, cosúil leis na dánta bréige, go mór leis na luathchonraitheoirí, ós sa treo sin a bhí an roth ag casadh an uair sin; agus tá, mar a deir Ó Buachalla (1969: 29) faoi na dánta sin, ‘[g]uth *Young Ireland* is “bratachas” an *Nation*’ orthu. Níor tosaíodh ar an scéal a scrúdú ó bhonn go dtí na 1960í, nuair a chuir Breandán Ó Buachalla (1965) a alt cáiliúil i gcló. Scríobh Seán de Rís (1969: xi) an cuntas cruinn seo ar an dóigh ar cuireadh Peadar os ár gcomhair go dtí sin,

Chuir Nioclás Ó Cearnaigh tús léi i lár an 19ú céad, nuair a chuir sé fiche dán bréige síos do Pheadar Ó Doirnín agus nuair a cheil sé fiche ceann a chum sé go fíor. Chuir athbheochanaithe na Gaeilge fáilte ar leith roimh dhá cheann de na dánta bhréige, *A Ghaeilge mhilis* agus *Cumha na máthara fán leanbh*, agus rinne an tAth. Lorcán Ó Muirí an dochar ba mhó, measaim, nuair a ghlac sé go ró-éasca leis an phortráid mar a fuair sé roimhe í, cé go gcaithfidh sé go raibh sé in amhras faoi chuid mhór de na bréaga. Rinne Seán Ó Dálaigh Muimhneach de Pheadar. Rinne Ó Cearnaigh sórt naoimh de. Bhí sé ina chineál de Mhatúsaile, i mbun teagaisc go fóill in aois a cheithre bliana is ochtó, ag Art Mac Beanaid as Ard Mhacha. Cuireadh dánta air lena chruthú go raibh dóchas agus muinín aige as Stiubhartaigh na hAlban, cé nach raibh meas ar bith aige orthu. Rinne lucht na hathbheochana tírghráthóir agus fáidh de, agus chinntigh an tAth. Ó Muirí ina Bhuachaill Bán agus ina rapaire é.

---

cumasc de thraidisiúin Airt Mhic Bhionaid agus Niocláis Uí Chearnaigh iad nótaí Sheáin Uí Dhálaigh, agus traidisiúin Airt chun tosaigh ann, go deimhin. Áit a ndeirtear go ndúirt (a) Art Mhac Bionaid nó (b) Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme seo nó siúd i dtaobh Pheadair, táthar ag tagairt (a) do litreacha Airt, nó (b) do *Sketches* nó *Memoir* na *Collectanea Grahamea* agus na lámhscríbhinní eile atá bainteach leo, faoi seach, mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

Is dóigh gur cruinne cuntais Niocláis Uí Chearnaigh agus Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme ó thaobh á áite breithe de. Deirtear sna *Sketches* agus sa *Memoir* gurbh i Ráth Sciathach,<sup>2436</sup> gar do Dhún Dealgan, a rugadh é, cé gur chreid Art Mhac Bionaid gur rugadh é i gCo. Thiobraid Árann. Is mór idir na dátaí breithe a thugtar sna beathaisnéisí, ó 1682 (agus 1684) go 1704. Luaitear an dara bliain, 1684, i litir Airt Mhic Bhionaid, agus an dáta luath, 1682, i leabhar Sheáin Uí Dhálaigh, *Poets and Poetry of Munster* (O'Daly 1850: 31).<sup>2437</sup> Ba sa bhliain 1704 a saolaíodh Peadar Ó Doirnín, de réir an *Memoir*, inar taifeadadh, mar a dúradh thuas, gur rugadh é i Ráth Sciathach, Co. Lú; ní thugtar dáta breithe sna *Sketches*. Is dóigh gur fearr tomhas Airt Mhic Bhionaid ar a dháta breithe, an cheathrú dheiridh den 17ú hAois. Is beag fíricí atá le baint as na beathaisnéisí seo, agus is minic go mbíonn an léiriú a thugtar air iontu go glan in aghaidh na tuisceana a gheofaí air nuair a léitear a chuid filíochta. Is beag den fhilíocht sin féin a bheifí in ann a fhágáil air inniu murarbh é gur bhailigh beirt scríobhaithe dearmadta ó Dhún gCuaile, Co. Lú, Donnchadh Mag Oireachtaigh agus Éadbhard Ó hEachaidh (*qq.v.*), cnuasach maith dánta leis, agus gur chuir siad ar pháipéar iad cúpla uair idir 1782 agus 1792.<sup>2438</sup> Ba iad na lámhscríbhinní seo Dhún gCuaile an slat tomhais a d'úsáid Ó Buachalla (1969) trína shaothar le húdarthacht na ndánta a mheas. Cé go bhfuil cóipeanna de dhánta le Peadar Ó Doirnín atá geall le bheith comhaimseartha leis, déarfainn, in LPBF 6,<sup>2439</sup>

<sup>2436</sup> Deirtear sna *Sketches* gur rugadh Peadar Ó Doirnín in 'Risceagh, adjoining Kilcurry, within a mile and a half due north of the town of Dundalk' (de Rís 1969: 78); rugadh é 'about the year 1704 at Rathsgiathach... about a mile and a quarter north of the town of Dundalk' de réir an *Memoir* (de Rís 1969: 58).

<sup>2437</sup> Bhí an dara heagrán, O'Daly (1850), ar mo ghar, agus mheas mé gurbh fhiú tagairt a dhéanamh dó anseo, ach tá athchló ar an ábhar céanna as an gcéad eagrán (1849) de shaothar Sheáin Uí Dhálaigh in Ó Casaide (1932a).

<sup>2438</sup> Seo na lámhscríbhinní, COFLA L12 (b), LB Add. 18749, agus LPBF 26.

<sup>2439</sup> Tá na duilleoga seo sáite isteach in LPBF 6, mar aon le blioganna eile, agus ní fios cár cuireadh le chéile iad. Scríobhadh dánta Pheadair Uí Dhoirnín ar leathanaigh scaoilte nár síníodh in áit ar bith. Tá an pheannaireacht cosúil lena bhfuil i gcuid mhaith lámhscríbhinní a scríobhadh in Oirialla thart faoin am sin, lámh Pheadair Uí Dhoirnín san áireamh, ach ní féidir a áiteamh gurbh eisean a scríobh iad. Tugtar eolas ar chuid de na blioganna eile i nótaí 815, 1586, 2442, 3426.

is í an chóip is luaithe de dhán leis a bhfuil dáta léi an ceann atá i lámhscríbhinn a scríobh Tomás Ó Doirnín (*q.v.*) ó Bhaile Chearráin, Co. na Mí,<sup>2440</sup> sa bhliain 1765, agus tugann sé, ar nós LPBF 6, ‘P. Ó D.’ air. D’áitigh Ó Buachalla (1975: 33 *n.52*) go raibh Donnchadh Mag Oireachtaigh, in ainneoin go bhfuil ortagrafaíocht a chuid lámhscríbhinní meascaithe, ag baint úsáid as leaganacha scríofa droinge eile; tá sé dhán le Peadar i lámhscríbhinn a ghráf ——— Ó Marcaigh sa bhliain 1777, agus tá cruthú againn go raibh an lámhscríbhinn seo i nDún gCuaile sna 1840í, an áit a mbíodh cónaí ar Dhonnchadh Mag Oireachtaigh.<sup>2441</sup> Bhí codanna de LPBF 6 i gCo. Lú fosta sa 19ú hAois.<sup>2442</sup> Leagtar dhá dhán Béarla ar Pheadar sna lámhscríbhinní.<sup>2443</sup>

Ba iad Peadar Ó Doirnín agus Oonagh (*al. Martha*) Ní G[h]raffan tuismitheoirí Pheadair, más fíor do na *Sketches* agus don *Memoir*, agus cheal faisnéise eile a bheith ar fáil, ní féidir seo a dheimhniú. Dhealródh sé nach raibh teacht ag Art ar ainmneacha tuismitheoirí Pheadair. An dara (?) bean a bhí ag Peadar, má ba bhean leis í, deirtear go dtugtaí Rose uirthi, ach, de réir mar a thugann Robin Flower le fios, *B.M. Cat.*, ii, 124, deirtear gurbh é an sloinne a bhí aici Róis Ní Dhoirnín,<sup>2444</sup> Rose

---

<sup>2440</sup> ARÉ E.ii.1 (746), lch 115.

<sup>2441</sup> COFLA D1 (*a*). Baineadh ainm an scríobhaí de na colafoin tríd an lámhscríbhinn seo. Maidir le Dún gCuaile, Co. Lú, thug an tAth. Pádraig Ó Luain le fios i nóta a chuir sé leis an lámhscríbhinn sa bhliain 1844 gur le Pádraig Mhac Gatháin í an uair sin. Ba as Dún gCuaile do Phádraig Mhac Gatháin.

<sup>2442</sup> Féach nóta 2439 thuas i dtaobh LPBF 6. Is cnuasach de bhloghanna difriúla í LPBF 6, agus an chóip den dán *Trom na garrtha so don Leith Cuinn* atá inti, tá a ceannteideal i bpeannaireacht an Dra Séamus Mhac Giolla Choille (féach nóta 1586 thuas), a chaith na blianta deiridh dá shaol i nDún Dealgan, Co. Lú. Ní fios cé a scríobh an chuid eile den dán in LPBF 6, áfach, ach go mbaineann an pheannaireacht leis an 18ú hAois.

<sup>2443</sup> Is é ‘The Independent Man’ an chéad cheann acu seo, ar foilsíodh giotáí de in O’Kearney (1856: 86-8*n.*) agus in Ó Buachalla (1969: 12). Tá leagan iomlán i gcló in de Rís (1969: 45-7). Thig linn a bheith an dán gurbh é Peadar a chum an dán seo, ní hamháin ar ábhar an dáin, ach toisc go bhfuil sé leagtha air i gcúpla lámhscríbhinn nach bhfuil baint acu leis na *Collectanea*, m.sh. ARÉ 24L31 (817) ar ghráf an scríobhaí iontaoifa sin, Pádraig Mhac Gatháin (*q.v.*), í idir 1820 agus 1823. Tá dán eile dá chuid ar fáil i gcóip neamhiomlán dhreoite amháin, go bhfios dom, a ghráf Donnchadh Mag Oireachtaigh in LPBF 26, ach ó tharla gurb iad a chuid scríbhinní an fhoinse eolais is fearr atá againn ar dhánta Gaeilge Pheadair Uí Dhoirnín, dhealródh an ceart a bheith aige.

<sup>2444</sup> De réir an *Memoir*; féach de Rís (1969: xxi).



Toner,<sup>2445</sup> Rose O'Beirne<sup>2446</sup>—nó Róis Nic an Bhaird,<sup>2447</sup> ainm eile ar tharraing Flower aird air—i bhfoinsí éagsúla. Is é an t-aon ainm acu seo a thagann i gceist i ndán ar bith de chuid Pheadair Róis Nic an Bhaird, bean a raibh cónaí uirthi leis ‘mar lánúin thart thall’ agus a thréig é le bheith ‘i mbun crábhaidh’ leis an Sagart Eoin sa Ghleann,<sup>2448</sup> de réir chaint an dáin, briathra nach gcinnteodh dúinn gurbh í a bhean chéile riamh í. Deirtear sna *Sketches* go raibh mac neamhdhlisteanach aige, a bhí giota beag simplí, b’fhéidir, agus a maraíodh in 1798 gar do Chrois Mhic Linnáin; baisteadh ainm air agus tugadh íslíú céime dó sa *Memoir*—nia le Peadar darbh ainm John atá ann sa dara beathaisnéis seo (de Rís 1969: 88 n.1). Chreid Murray (1915a: 372, 383 n.8), mar gheall ar an scrúdú a rinne sé ar thaifid pharóiste Bhaile an Agairt, a thosaíonn sa bhliain 1752, go raibh beirt mhac ag Peadar, Eoghan agus Tomás; agus ceapann de Rís (1969: xxi n.25) gur féidir gurbh é an Tomás seo an scríobhaí Tomás Ó Doirnín (*fl.*1765-1802).<sup>2449</sup> Níl faisnéis na dtaifead paróiste baileach soiléir lena chinntiú, nó geall leis. Tháinig Ó Casaide (1932: 17) ar thagairt spéisiúil d’uairadóir ar ar gearradh na litreacha ‘Pádraig Ó Doirnín’, agus scéal bainteach leis gur dheartháir le Peadar Ó Doirnín é an Pádraig seo. Is dóigh le Breandán Ó Buachalla (1969: 11) nach raibh Art Mhac Bionaid ná Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme ‘róshiúráilte’ faoi na traidisiúin a chuala siad, ach mura

<sup>2445</sup> Seo an t-ainm a thugtar in O'Daly (1850: 32), a fuair a chuid sonraí ó ‘A Catholic clergyman, an ardent lover of his country’s language and literature’ [= an tAth. Pádraig Ó Luain], agus, mar a luadh cheana, é i dtuilleamaí ar ‘Mr. Arthur Bennett, of Forkhill’. De réir an chuntais seo, chaith Peadar agus a bhean, Rose Toner, mí na meala i Loch gCoiligh, gar do Bhaile an Mhaoir, sular aistrigh siad go Foirceal, áit ar oscail Peadar scoil. Leanann scéal Mhuiris Uí Ghormáin an píosa seo. Tá sé faoi athchló in Ó Casaide (1932a: 52-4).

<sup>2446</sup> Féach an *B.M. Cat.*, ii, 123.

<sup>2447</sup> Féach nóta 2448.

<sup>2448</sup> Tá an dán seo, *Gé go raibh sí Róis is mise ’ár gcónaí mar lánúin thart thall*, i gcló in Ó Tuathail (1950a), Ó Buachalla (1969: 53-4), agus de Rís (1969: 25-7). Tá na cóipeanna is sine di atá ar fáil i lámhscríbhinní Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh agus Éadbhaird Uí Eachaidh, COFLA L12 (*b*) agus LB Add. 18749. Ba sa dara cóip acu seo a fuair Robin Flower an t-ainm Róis Nic an Bhaird, *B.M. Cat.*, ii, 124.

<sup>2449</sup> Ní dócha sin ach oiread, cé gur spéisiúil go bhfuil an chóip is luaithe de dhán le Peadar Ó Doirnín a bhfuil dáta curtha léi i lámhscríbhinn de chuid Thomáis, mar a dúradh thuas. Míoch a bhí ann, is dócha.

raibh, is deimhin nár lig siad sin orthu: tugann siad rainn fáin, nach bhfuil fáil orthu ach ina gcuid peannaireachta féin, lena leaganacha féin de scéal breithe Pheadair a chinntiú. Áit a bhfuil an méid seo ag Art Mhac Bionaid—ó láimh an fhile féin, dar leis—le tacú leis an traidisiún gur Mhuimhneach é,

Bhí fáras mo chairde ag Caiseal na Rí—  
Is é dásacht na Galltacht a scar mise dhíobh,  
Thug mé rása fón tráth sin go Malaidh Dhruim Chrích  
Mar bhfuair mé fáilte gan táille is meadhar gan chíos.<sup>2450</sup>

—tá an véarsa seo ag Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme,

In íochtar Chontae Lú fuair mé tús mo bheatha,  
Is in aois mo sheacht mbliana go fíor do chuir mé cúl le rátha;  
Ag imirt, ag ól is ag damhsa, is ag cúlchaint ar mo c[homh]arsain,  
Is gur sheirbhe liom nó caorthainn sa tSamhradh a dhul chun aifrinn Dia  
Domhnaigh.<sup>2451</sup>

D’áitigh Art Mhac Bionaid go raibh cóip den chéad véarsa aige i láimh an fhile féin, ach tá sé thar a bheith amhrasach gur chum Peadar píosa den sórt sin, agus rud eile nach iontas é, bhí Gaeilge Oiriaila ag Peadar, dar le O’Rahilly (1932: 26, 208), a bhain úsáid as dánta Pheadair Uí Dhoirnín le canúint an fhocheantair sin nó ‘Oirdheisceart Uladh’ a phlé. Is dócha nár cheart an locht ina iomláine a chur ar an triúr a scríobh na beathaisnéisí seo. Caithfidh muid a rá, díreach le bheith cothromach, gur cruinn cuid mhaith de na sonraí a luann Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme i dtaobh Pheadair Uí Dhoirnín sna *Sketches*, sa *Memoir* agus in dhá lámhscríbhinn dhéanacha de chuid Niocláis, ARÉ 23E12 (769), 1846; agus ARÉ 23E11 (528), 1850. Tá dealramh air gur cheart dó an tAth. Eoin a aithint

---

<sup>2450</sup> Tá an rann seo i gcló in de Rís (1969: xii) as Ó Casaide (1932a: 52), ar athchló é de shaothar O’Daly, *Poets and Poetry of Munster* (1849). Féach an dara heagrán de, O’Daly (1850: 32), áit ar cuireadh in eagar cuid de litir Airt Mhic Bhionaid, ní a fuair Seán Ó Dálaigh ón Ath. Pádraig Ó Luain an 12 Nollaig 1844, LN G389(12). Tá an litir in eagar in Ó Buachalla (1965: 131; 1969: 11) agus de Rís (1969: xiv). Féach go bhfuil cóip eile den rann sin in COFLA D12, lch 117. Baineadh an leagan seo as Ó Buachalla (1969: 11).

<sup>2451</sup> De réir a bhfuil in Ó Buachalla (1969: 10).

leis an Ath. John McKay ón nGleann sa dán ‘Róis Nic an Bhaire’, más é an ‘Mr. McKey’ é a bhí ina shagart paróiste sa dúiche sin sa bhliain 1764, de réir tagartha a fuair Ó Tuathail (1950a).<sup>2452</sup>

De réir litir Airt Mhic Bhionaid, ba mháistrí scoile iad Peadar agus Muiris Ó Gormáin (*q.v.*) gar don Fhoirceal, agus iad i gcónaí in eagnaíocht lena chéile nó gur scríobh Peadar aoir ar Mhuiris, rud a chuir an ruaig air;<sup>2453</sup> tá an scéal céanna sna *Sketches* agus sa *Memoir*, ach amháin go raibh na scoileanna suite i mBaile Bhalraic, Co. Lú, cé go ngéilltear don traidisiún áit eile gur bhunaigh Peadar scoil gar don Fhoirceal nuair a phós sé Rose. Déantar an dán a cheap Peadar ar Mhuiris Ó Gormáin a bhrú isteach sa scéal ag an bpointe seo, de ghnáth, mar chuid de scéal éigin faoin mbeirt mháistrí seo a bheith in iomaíocht lena chéile, scéal a bhunaigh Art Mhac Bionaid, agus Matha Mórdha Ó Graeme is Nioclás Ó Cearnaigh, is follas, go hiomlán ar ábhar an dáin féin. Thig linn a bheith sásta gur chum Peadar an aoir seo agus go raibh an-chur amach aige ar Fhoirceal agus an dúiche timpeall air, ach ní hionann sin agus a chruthú go raibh buanchónaí riamh air ann, más forleathan a bhí an traidisiún sin.<sup>2454</sup> Is soiléir ó na beathaisnéisí uilig go raibh sé amuigh air gur námhaid le Mac Séain, ‘Johnston of the Fews’, é, ach bheadh leisce orm glacadh leis na tradisiúin bhéil seo, óir níorbh aon rapaire é Peadar, mar a thabharfaidís le fios.

---

<sup>2452</sup> Ba in Murray (1916: 45) a fuair sé seo, is dóigh, áit a ndéantar tagairt (faoin 2 Bealtaine 1764) d’airgead a fuarthas ‘for Mr. McKey’s parish’. Níl an tAth. McKey seo le ceangal, ceapaim, le hEoin Mhac Cadhaidh (*q.v.*), an scríobhaí Gaeilge.

<sup>2453</sup> Gheofar cóipeanna den dán sin in de Rís (1969: 28-9) agus in Ó Buachalla (1969: 51-2). Níl mórán cóipeanna de dhánta Pheadair i lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin, rud atá spéisiúil ós soiléir go raibh aithne ag Muiris ar Phádraig Ó Pronntaigh, ag a mbíodh an-bhaint, ceaptar, le Peadar (féach an plé a rinneadh ar LB Eg. 210 i gCaib. 1.2.2.1). D’fhág Muiris ina dhiaidh cóipeanna de dhánta eile le filí Oiriialla a bhí comhaimseartha leis. Féach gurbh é Muiris an chéad duine, go bhfios dom, a chuir dánta le Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna ar pháipéar. Tá cúpla cóip den dán ‘Tuireamh na Meisce’ in ARÉ 23A45 (629), lch 40, a scríobhadh in 1745; KBL NKS173, lch 3, 1764; agus LB Eg. 127, f. 10, 1774-5. Féach na tagairtí in Ó Buachalla (1975: 104-5). Tá cóip de dhán amháin le Peadar Ó Doirnín i láimh Mhuiris Uí Ghormáin in ARÉ 23D16 (506); féach an liosta lámhscríbhinní a thugtar in de Rís (1969: 145-6).

<sup>2454</sup> Tharla an eachtra seo tuairim na bliana 1730, dar le Coimín (1895a: 121 col. b); ba sna 1730í a tharla sé, dar le Ní Mhunghaile (2009a: 219); agus creideann Mac Cathmhaoil (2013: 19) gurbh fhearr na 1740í mar thomhas.

Diomaite de gur dóigh go n-áiríonn Hughes (2001: 513-16) agus Ó Baoill (2007: 79) Peadar mar scríobhaí de chuid Cho. Ard Mhacha, ní fheicim aon tagairt chruinn dó a bheith ina chónaí ann. Ba i mbarúntacht Dhún Dealgan—i mBaile Héine, measaim— a scríobh sé a chuid de LN G190, agus is é sin an t-aon tagairt bheacht dá ionad cónaithe atá feicthe agam i lámhscríbhinn de chuid na 18ú hAoise, ach amháin nóta gearr eile a scríobh Risteard Pluincéad [2] le dán de chuid Pheadair, ‘Peadar O Duirnin ... a cCuindaigh Luth’.<sup>2455</sup> Más mar sin atá, ba dhoiligh diúltú do chaint Hughes (2001: 514) i dtaobh an cheangail a bhí ag Peadar le Co. Ard Mhacha, is é sin, gur chaith sé ‘most of his writing years in the Armagh and Louth area’. Is doiligh teacht ar eolas beacht a ligfeadh dúinn a léiriú gur shocraigh Peadar i gCo. Ard Mhacha riamh, ach amháin na tagairtí a dhéanann Peadar d’áiteacha éagsúla i ndeisceart an chontae ina chuid filíochta, na beathaisnéisí a scríobhadh air i lár na 19ú hAoise, agus cuid de na scéalta béaloidis a bhíodh á n-aithris i dtaobh Pheadair sa chomharsanacht. Mar a mheabhraigh Ó Buachalla (1969: 11) dúinn, ní féidir ach dhá rud a rá faoi shaol Pheadair le cinnteacht, go raibh cónaí air gar do Dhún Dealgan ar feadh píosa agus gur cuireadh ‘i gcré’ é ar an 5 Aibreán 1769,<sup>2456</sup> mar atá taifeadta san fheartlaoi a chum Art Mac Cumhaigh air, ach tá an dáta féin giota beag doiléir, go deimhin,

Míle, seacht gcéad, seasca is ocht mbliana anuas,  
 Trí mhí ina dhiaidh sin, aois Mhic Mhuire san uaigh,  
 Ar an chúigiú lá séimh de laethaibh an Aibreáin gan chluain,  
 Chuaigh Ó Doirnin i gcré, fear déanta laoi agus duan.<sup>2457</sup>

<sup>2455</sup> CM L7(1), lch 28. Is dóigh go bhfuair Risteard Pluincéad [2], ar Mhíoch é, an t-eolas seo ó dhuine eile; bhí ‘Ollamh éigin’ scríofa aige ar dtús, ach chuir sé sin ar ceal, agus scríobh sé an nóta thuas thart timpeall air. Ní hionann sin agus a rá nach bhfuil seasamh ag an nóta. Ba in aice le Damh Liag a cuireadh an chóip dhátaithe is sine de dhán le Peadar Ó Doirnin ar pháipéar sa bhliain 1765, agus dhealródh sé go raibh clú air in íochtar Cho. na Mí faoi dheireadh na 18ú hAoise.

<sup>2456</sup> Féach nóta 2457.

<sup>2457</sup> Mar atá sé in eagar ag Ó Fiaich (1973: 117). Léigh cúpla scoláire Gaeilge 1768 in ionad 1769 ar an rann seo, ach téim leis an dáta is mó a bhfuil glacadh leis anois, an 5 Aibreán 1769. Tugtar an 7

Deirtear ina thaobh go minic gur scríobhaí thar a bheith bisiúil é Peadar, ach níl rud ar bith i measc an bheagáin a tháinig slán chugainn a thabharfadh le fios dúinn gur bhisiúla é ná aon scríobhaí eile de chuid an cheantair, dáiríre. An méid sin ráite, tá an chuma ar a chuid peannaireachta gur scríbhneoir cleachtaithe é, i mBéarla agus i nGaeilge. Tá sé d’ádhdh orainn, b’fhéidir, go ndéanann scríobhaithe eile tagairtí do lámhscríbhinní caillte dá chuid, mar gheall ar an gclú a bhí air, cinnte, ach is baolach go raibh fonn ar scríobhaithe eile a mhaíomh go raibh togha na bhfoinsí ar a láimh acu; agus dhealródh sé nár nós do na scríobhaithe dúchasacha iarracht a dhéanamh ar stíleanna peannaireachta a aithint óna chéile ná nár rith sé leo go bhféadfadh brionnúcháin a bheith i gceist.<sup>2458</sup> Fágann sin nach féidir brath go hiomlán ar thagairtí den sórt seo, ná neamart a dhéanamh díobh ag an am céanna. Deirtear, mar shampla, gur chóipeáil Art Mhac Bionaid ábhar ó lámhscríbhinn a ghraf Peadar Ó Doirnín sa bhliain 1720.<sup>2459</sup> Tá, ar ndóigh, an tagairt chluíteach sin againn a rinne

---

Aibreán 1769 mar dháta adhlactha sa leagan den téacs a fuair Brian Ó Tomaltaigh (*q.v.*), ón traidisiún béil, is dócha, óir tá na véarsaí as riocht ann,

Míle [gēs] \s/ shath (c)geath, sescath agas oth mleanu newice(?),  
 three vee na yeay shin, she leagu Mac Mirre nan se nouye,  
 ar a tathu la sheive do lauthe(?) nebran she fowe,

O Durneen a grea, far yeanthe [lee] \starru/ /lee\ agus down. ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 16.

Is ar fhaitíos go mbeadh spéis ag an léitheoir ann a thugtar seo, óir tá na seanchóipeanna ag teacht lena chéile.

<sup>2458</sup> Féach, mar shampla, gur leasc le sealbhóir MN B1—Brian Ó Searcaigh, is dócha—ligeann do Mhatha Mórdha Ó Graeme an colafon bréige atá inti a ghearradh den lámhscríbhinn—tugtar tuilleadh eolais i nótaí 2474, 2475 thíos. In ainneoin gur ríléir nach ionann an lámh a scríobh an téacs agus an colafon in MN B1, níor rith sé leis an sealbhóir gur féidir nár lámhscríbhinn de chuid Pheadair Uí Dhoirnín í ar aon chor, is dóigh, ná le Matha Mórdha Ó Graeme fosta.

Is ar an mbonn sin agus eile a chreid Ó Buachalla (1965: 143 *n.*30, 147-51) gur féidir na *Collectanea* agus an t-ábhar eile—na *Sketches* agus an *Memoir* ach go mórmhór—a leagan ar Nioclás Ó Cearnaigh, nó caithfidh sé nach raibh Matha Mórdha Ó Graeme ró-eolach faoi bheatha Pheadair murar thug sé faoi deara go raibh rud éigin cearr leis an dáta 1777 a thugtar sa lámhscríbhinn.

<sup>2459</sup> Dealraíonn sé go bhfuil an lámhscríbhinn caillte anois, ach tá nótaí ar chóip Airt Mhic Bhionaid, nó sleachta aisti, i measc pháipéir an Ath. Lorcán Ó Muireadhaigh (Ó Fiaich 1958: 58 *n.*6), deirtear. B’fhéidir gurbh fhiú an tagairt sin a lua ina hiomláine anseo: ‘A Note in a Gaelic MS. of Peadar Ó Doirnín, who took up residence in this district [Cill Shléibhe, Co. Ard Mhacha] later, states that the Archbishop “incurred the displeasure of Ed. Murphy, Turlough Mac Moyer, Cuchonnachta Duffy and Cuchogera (Peregrine) Maclean of Vicar’s Cairn[,] two profligate friars of the Friary in Shean”’ (Ó Fiaich 1958: 58), agus thíos faoin méid sin tugtar an fonóta seo a leanas: ‘Extracts made by Art Bennett from an Irish MS. written in 1720 by Peadar Ó Doirnín and copied by the late Fr. L.P. Murray’ (Ó Fiaich 1958: 58 *n.*6). Is dóigh go bhfuil na páipéir sin in COFLA anois, ach ní fios dom cá bhfaca an tAth. Ó Muireadhaigh lámhscríbhinn Airt Mhic Bhionaid, nó níl a leithéid de lámhscríbhinn ar fáil inniu, de réir mar a thuigim. Seans go dtiocfar uirthi amach anseo. Maidir le

Pádraig Ó Loingsigh (*q.v.*) don lámhscríbhinn úd de chuid na bliana 1730, ina raibh seanchóip—b'fhéidir an ceann is sine—den athscríobh is déanaí a rinneadh ar Leagan IIb (Stowe) de 'Táin Bó Cuailnge', athscríobh a cuireadh le chéile in Oiriaila thart ar an am sin. Agus tharraing Nioclás Ó Cearnaigh Peadar Ó Doirnín isteach sa chonspóid a thit air nuair a d'fhoilsigh sé a chuid *Prophecies* in 1856, nó deir sé i litir a scríobh sé chuig an *Weekly Telegraph* ar an 26 Feabhra 1856 gur bhain sé an chóip de 'Éire Nocht' a d'úsáid sé as 'lámhscríbhinn'—nach raibh ann riamh, thig linn a bheith cinnte—le Peadar Ó Doirnín,

In the summer of 1829, I and a cousin of mine who could read Irish pretty well, and who had been instructing me, were stopping a few days in the house of a friend, Dr. Cuffly, in the town of Crossmaglen, county Armagh. A man named Finegan, a tailor, whose Christian name was Owen, lived in the vicinity (about the centre of the north square of the fair and market place). Finegan was celebrated as a good Irish scholar and a correct reader, and used to amuse his neighbours during leisure hours by reading his MSS. On a Sunday evening our friend sent for Finegan to read a portion of his Irish books for our entertainment. He brought two MSS. with him, some portions of which he read. ... One of these was a thick quarto miscellany, ... I cannot tell who was the transcriber. The other was a thin octavo fragment, older in appearance than it really could have been, in consequence of careless handling, as it was in the handwriting of Peter O'Dornin, who died in April, 1768. It contained, besides 'Eire Nocht', another prophecy on the landing of the French in Ireland, which I had not time to copy ... the 'Ochten Gaedhal', or adventures of eight noble Irish champions in the East; and a piece on the rare birds, etc., found in Ireland, the beginning of which was lost. Since then

---

heiseamláirí Airt Mhic Bhionaid agus na ceisteanna atá fós le freagairt fúthu, féach na cuntais ar Éamonn Mag Aonghusa agus ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.38, 2.40 thuas; ritheann sé liom gurbh aisteach nóta Béarla den sórt seo a fheiceáil i lámhscríbhinn de chuid thús na 18ú hAoise, agus gur mó de 'chomhthéacsú' lámhscríbhinní déanacha Airt Mhic Bhionaid atá ar an sliocht seo ná aon ní eile. Ar an taobh eile den scéal, ba é Art é féin a fuair an chóip sin de 'Foras Feasa air Éirinn', LN G190, do Roibeard Mac Ádhaimh sa bhliain 1844, ach deir sé go bhfuair sé ó dhuine eile í. Féach LN G702(9), mír 2—litir ó Art Mhac Bionaid chuig Roibeard Mac Ádhaimh, an 23 Meán Fómhair 1844; agus mír 3—litir ón bhfear céanna an 17 Deireadh Fómhair 1844. Tá siad i gcló in Ó Mórdha (1957: 365-7) agus Ó Buachalla (1968: 137, 138-9). Léiríonn na cosúlachtaí idir peannaireacht Airt Mhic Bhionaid agus Pheadair Uí Dhoirnín gur dócha go bhfaca Art lámhscríbhinní áirithe leis an bhfile (Ó Buachalla 1979: 342), agus dúirt sé leis an Ath. Pádraig Ó Luain go raibh cóipeanna aige d'amhráin Pheadair i láimh Pheadair é féin, i litir, LN G389(12), a scríobh sé an 12 Nollaig 1844 chuig Seán Ó Dálaigh, agus atá i gcló mar chuid den chuntas thuas, agus in Ó Buachalla (1965: 130, 132-3). An féidir gur le hArt na bloghanna atá in LPBF 6, agus gur cheap sé gur scríobh Peadar Ó Doirnín iad? Féach nóta 2439 thuas.

I have been only once in Crossmaglen (1831 I think), and Finegan was living there. But whether he is now alive or dead I cannot tell, ...<sup>2460</sup>

Ar an taobh eile den scéal, ba é Nioclás Ó Cearnaigh a d'iarr ar Mhatha Mórdha Ó Graeme, dealraíonn sé, giota as MN B1 a fháil do Sheán Ó Dálaigh; bhí sí i seilbh Bhriain Uí Shearcaigh (*q.v.*) an tráth sin, is dócha.<sup>2461</sup> Pléifear MN B1 ar ball beag. Ó tharla gur luadh cheana an geosta sin lámhscríbhinne dar dháta 1720 a bhí ag Art Mhac Bionaid go luath sa 19ú hAois, is fiú codanna den nóta a scríobh an tAth. Pádraig Ó Luain chuig Seán Ó Dálaigh ar an 12 Nollaig 1844 faoi lámhscríbhinní Pheadair Uí Dhoirín a atáirgeadh anseo,

I have written to Arthur Bennett of Ballykeel, Forkhill for a biographical sketch of Peter O'Dornin, because I consider there is no man now in Ireland better able to give it for this simple reason that his father who was an Irish scholar conversed with Peter O'Dornin, heard from his own lips the history of his life and as he survived O'Dornin became of all his Irish manuscripts the sole and only heir, and which manuscripts, or at least most of them, are now in the possession of Arthur Bennett. ...

I come to this conclusion from the fact that Bennett was born in the very neighbourhood where O'Dornin died and was buried; that his father and one John McCoy were very old men and Irish scholars who often conversed with the O'Dornin...<sup>2462</sup>

Dúradh cheana sa chuntas a scríobhadh ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40 thuas go bhfuil sé seo bunoscionn leis an dáta breithe a thugtar do John Bennett (1760-1829), athair Airt, agus is soiléir ón litir thuas go raibh mearbhall ar an Ath. Ó Luain faoi na fíricí a thugann sé. Is é John McCoy an scríobhaí cumasach Eoin Mhac Cadhaidh (*q.v.*) a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní idir 1762 agus 1766 [? 1769], agus tá dealramh air gurbh as deisceart Cho. Ard Mhacha dó. Dúirt Nioclás Ó Cearnaigh go

---

<sup>2460</sup> Madden (1866: 14).

<sup>2461</sup> Cheannaigh Brian Ó Searcaigh (*q.v.*) MN B1 ó shealbhóir anaithnid ar an 16 Bealtaine 1838; féach MN B1 (*a*), lch 62.

<sup>2462</sup> LN G389(12), litir ón Ath. Pádraig Ó Luain, Camloch, Co. Ard Mhacha, an 12 Nollaig 1844 chuig Seán Ó Dálaigh. Baineadh na sleachta gearra seo a thugtar thuas as eagrán Uí Bhuachalla (1965: 130, 133).

scríobhadh Pádraig Ó Pronntaigh lámhscríbhinní ar son Pheadair Uí Dhoirnín, agus is eol dúinn go raibh Pádraig Ó Pronntaigh ina chónaí i mBaile Mhic Scanláin, nó gar dó, sa bhliain 1738. Dhealródh sé gur chaith sé an chuid is mó dá shaol i dtuaisceart Cho. Lú. Cé gur dócha go n-oibríodh Pádraig Ó Pronntaigh agus Peadar lena chéile, is doiligh a chreidiúint go ndéanadh Pádraig Ó Pronntaigh an rúnaíocht do Pheadar, mar a léifí ar chaint Niocláis Uí Chearnaigh agus Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, nuair a bhíodh lámhscríbhinní á gcóipeáil ag Peadar é féin do phátrúin. Tchífidh muid thíos go bhfuil leideanna maithe sna lámhscríbhinní go raibh baint ag an mbeirt sin lena chéile.

An dá lámhscríbhinn a thugtar sa chlár thuas, is léir go mbaineann siad leis an 18ú hAois, agus gur scríobh peannaire cumasach gairmiúil iad. Tá, ar an drochuair, deacrachtaí ag baint leis na lámhscríbhinní a leagan ar Pheadar Ó Doirnín mar gheall ar dhochar a rinneadh do na colafoin iontu. Is féidir tosú leis an gceann ina bhfuil an chuid is mó den cholafon inléite go fóill, LN G190, a cóipeáladh thart ar lár na 18ú hAoise—sa bhliain 1758, b'fhéidir.<sup>2463</sup> Deisíodh an lámhscríbhinn seo—cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ a cheannaigh Art Mhac Bionaid óna húinéir ar son Roibeaird Mhic Ádhaimh sa bhliain 1844—le páipéar trédhearcach, atá tar éis crónú go mór le himeacht aimsire sa dóigh nach féidir cuid de shíniú an scríobhaí a léamh anois, agus cuid den téacs san áireamh. Thig leis an tsúil féin ‘Pea<...> O Durnin’ a fheiceáil anois, ach ní féidir nach é seo síniú an fhile féin. Is iad an dá leabhar amháin de shaothar an Chéitinnigh atá i lámh Pheadair; ghráf dhá lámh eile an brollach agus

---

<sup>2463</sup> Tugann Dáithí Coimín in dhá áit na dátaí 1750 (Comyn 1902: xiv), agus ‘about 1750’ (Coimín 1895: 103 col. a) mar dháta scríofa, ach theip orm agus ar Nessa Ní Sheághdha, an té a rinne clárú ar LN G190, teacht air áit ar bith sa lámhscríbhinn. Is féidir go bhfuil an figiúr, 1758, a scríobhadh in imeall lch 203, i bpeannaireacht Pheadair Uí Dhoirnín é féin. Bheinn ag déanamh amach gur ghráf Peadar Ó Doirnín an lámhscríbhinn seo nuair a bhí sé ina sheanfhear, más é an duine céanna é an pátrún, Seán Ó Crólughá, agus an ‘John Crowley of Ballycillbeg’ [= Baile na gCeall Beag, paróiste an Dúin, Co. an Dúin], a bhí ina shíntiúsóir le *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda* (1762). Féach an cuntas a thugtar ar an saothar seo agus ar an Ath. James Pulleine i nóta 618.



na ginealaigh gan a n-ainmneacha a thabhairt dúinn. Tá ceann de na lámha eile iontach cleachtaithe,<sup>2464</sup> agus is dóigh liom gur scríobh Pádraig Ó Pronntaigh an méid den lámhscríbhinn atá sa láimh sin. An dara lámh, baineann sí le deireadh na 18ú hAoise nó le tús na 19ú hAoise,<sup>2465</sup> agus is léir go raibh an scríbhneoir seo ag líonadh easnaimh a bhí ar an mbunscríbhinn nuair a fuair sé greim uirthi. Tá lámh Pheadair thar a bheith soléite agus dea-chumtha, agus tá cúpla tréith i gcoitinne aici le lámhscríbhinní eile ó Cho. Lú, tréithe atá spéisiúil ar dhóigheanna éagsúla. Thuigfí go réidh as na lámhscríbhinní go raibh taithí aige ar leagan amach leabhair chlóite a ré, agus go ndearna sé iarracht ar an leagan amach sin a leanúint ina chuid lámhscríbhinní, óir scríobhann sé ceanteidil thábhachtacha i gceannlitreacha, agus bíonn sleachta as dánta ina chóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ angaithe aige agus iad scríofa i script bheag. Tugtar an-aire d’imill na leathanach, agus tá dealramh air gur nós aisteach dá chuid é focail i dtreo dheireadh na líne scríbhneoireachta a roinnt ina dhá gcuid leis an imeall deas a chomhfhadú, nó cros bheag a chur ag deireadh líne le bearna dhá spás a líonadh. Is minic a athraíonn an lámh beagán ó leathanach go leathanach, go mbíonn litir á scríobh ar dhóigh áirithe aige lá amháin agus ar dhóigh eile an chéad lá eile, go mbíonn an lámh píosa beag níos claonta corruair, ag brath ar an lá, b’fhéidir. Cé gurb iontach áiféiseach an scéal a bhaineann leis, deirtear i bpíosa béaloidis a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh go mbíodh Peadar in ann aithris a dhéanamh ar pheannaireacht daoine eile.<sup>2466</sup> Éiríonn an script níos caoile agus níos mine de réir mar a théann muid tríd an lámhscríbhinn, agus níos claonta ar gcúl. Léirítear an litir *r* go minic i gcodanna áirithe den lámhscríbhinn le cineál *r* atá ar aon chruth, beagnach, leis an uimhir arabach ۲, an ceann a bhíonn le feiceáil ag

<sup>2464</sup> Sin scríobhaí **B** i nóta 2427 thuas.

<sup>2465</sup> Sin scríobhaí **A** i nóta 2427 thuas.

<sup>2466</sup> Deirtear seo sna *Sketches*, go raibh Peadar Ó Doirnín ‘capable of imitating the handwriting of any man’ (de Rís 1969: 80); is iad na briathra céanna a thugtar sa *Memoir*, ‘capable of imitating the handwriting of any man’ (de Rís 1969: 59).

deireadh focal i lámhscríbhinní eile, ach úsáidtear é in ionad an ghnáth-*r* i ngach áit anseo, ar thoil an scríobhaí, ach amháin nuair is túslitir focail é. Athraíonn a mhínice a úsáidtear seo ó áit go chéile, ach is gnáiche go mór an gnáth-*r*. Is gnách go scríobhtar an litir *i* os cionn na litreach *a* sa chás go dtagann sí .i. *a* roimpi.

Scríobhtar an litir *i* ar an ngnáthdhóigh in áiteacha eile, agus í giota beag casta.

Bíonn an *t-e* ard biorrach sa chaoi gur cosúil le lúibín cuartha (*{*) é go pointe áirithe, agus ní gnách go mbíonn *c* agus *d* biorrach.

Is spéisiúil an lámhscríbhinn í CM L7(3-5), tharla go bhfuil cóip mhaith de ‘Feis Tighe Chonáin’ inti, ach rinne léitheoir, Pádraig Ó Murchadha, iarracht ar ainm an scríobhaí a scrios san aon cholafon amháin atá sa chuid seo den lámhscríbhinn, agus a ainm féin a scríobh ina áit trí na litreacha bunaidh a athrú, ionas go bhféadfaí ‘*arna* sgríobhadh le Pádríc Ó Murchughadh bhliaghain d’Aois ...’<sup>2467</sup> a léamh air *in rasura* anois. Dhealródh sé gur scríobhadh an litir *P* sa chéadainm thar *P* bunaidh, agus gur athmhúnláíodh an *M* sa sloinne as *D* an scríobhaí, srl. Tá cuid mhaith de na litreacha bunaidh inléite fós, agus is dóigh liom gur féidir an méid seo a dhéanamh amach go fóill, gan mórán dua,

*arna* sgríobhadh le P(..)d(..) Ó D(.)r(..n) a(n) bhliaghain d’Aois...

Shíl Eoin Mac Néill agus Énrí Ó Muirgheasa gurbh é Peadar a scríobh na codanna seo, ó na bloghanna beaga den ainm atá inléite go fóill.<sup>2468</sup> Níor síníodh CM L7(4-5), ach tá siad sa láimh chéanna,<sup>2469</sup> murar scríobhadh ag an am céanna iad, óir tá an pheannaireacht giota beag níos creathaí iontu.

---

<sup>2467</sup> CM L7(3), lch [104].

<sup>2468</sup> ‘However, both Mr. Henry Morris and myself independently managed to decipher the original signature from the traces that remained’ (Mac Néill 1906*a*: 195 col. a).

<sup>2469</sup> Tá sampla de pheannaireacht CM L7(3), lch 86, sa phláta a cuireadh i geló in Ó Donnchadha (1905: 778).

Níor mhiste súil a chaitheamh ar dhá lámhscríbhinn eile a leagadh ar Pheadar, MN B1 agus CM L3 (b). Féachaimis ar MN B1 ar dtús, lámhscríbhinn a pléadh cheana cúpla uair agus atá neamhiomlán<sup>2470</sup> anois. Níl síniú scríobhaí ná colafon bunaidh léi, cé gur ghraf úinéir éigin, Matha Mhac Cinnéadaigh,<sup>2471</sup> is dóigh liom, colafon uirthi a deir gurbh é Peadar Ó Doirnín a scríobh í sa bhliain 1777. Ba é Ó Cuív (1949: 6) an chéad scoláire nua-aimseartha a thug faoi deara go raibh rud éigin cearr leis an gcolafon seo, ach thuig cúpla scoláire<sup>2472</sup> a bhí beo sa 19ú hAois go raibh rud éigin amú anseo, cé nach follas go bhfaca siad go raibh an colafon sin scríofa i lámh duine eile. Nuair a bhain Peadar Ó Gealacáin leas as MN B1 idir 1827 agus 1828 [nó 1829] leis na cóipeanna de ‘Coimheasgar na gCuradh’ agus ‘Eachtra na gCuradh’ atá in OÉG H39 a scríobh, níor thug sé sonraí i dtaobh na lámhscríbhinne ina chóip féin, ach thagair sé i leabhar coiteann dá chuid, mar a thaispeáin de Brún & Herbert (1986: 88 col. b), do ‘a manuscript written by Peter O Dornan in the year of our Lord 1747 called “Eachdra na gCuraidhe”...’ arb ionann í agus MN B1, gan amhras.<sup>2473</sup> Má shíl duine nó beirt go raibh botún sa cholafon, níor thuig an chuid is mó díobh siúd a

<sup>2470</sup> Ní dhearnadh an lámhscríbhinn a chur ar mhionscannán toisc go bhfuil sí ceangailte go docht, ach tá dea-bhail uirthi, an méid di nach bhfuil cailte. Cuireadh an ceangal atá uirthi anois léi thart ar an mbliain 1834, *M.N. Cat.*, iv, 110.

<sup>2471</sup> Tá mé ar aon tuairim lena ndeir an Moins. Pádraig Ó Fiannachta nach maireann i dtaobh na lámhscríbhinne seo, agus dáileadh na lámh atá inti. Féach an *M.N. Cat.*, iv, 110. Maidir le stair dhéanach na lámhscríbhinne, féach na cuntais ar John A. Nicholson (nóta 1538), ar Mhatha Mhac Cinnéadaigh i gCaib. 2.50 thuas, agus ar Pheadar Ó Gealacáin i gCaib. 2.171, is ar Bhrian Ó Searcaigh i gCaib. 2.217 thíos.

<sup>2472</sup> Ba é Nioclás Ó Cearnaigh an chéad duine a scríobh, go bhfios dom, go raibh an dáta mícheart, agus luann sé an dáta a thugtar san fheartlaoi, an 5 Aibreán 1769, mar thacú lena thuairim i litir, LN G389(75), chuig Seán Ó Dálaigh ar an 14 Aibreán 1845, taobh leis an ngiota lámhscríbhinne agus an litir a chuir Matha Mórdha Ó Graeme chuige. Tá an giota agus an litir sin in COC T<sup>1</sup>59 (59), mír 1(a). Féach fosta an mhalairt dáta a rinne Peadar Ó Gealacáin ina chuid nótaí féin.

<sup>2473</sup> Gabhann an nóta seo, C Add. 6563 (42), f. 80, le cóip den téacs *Ar an cúigeamh lá fíthet don mí Abhra*, agus leagan Béarla de, *On the twenty-fifth of September*, a bhfuil fáil orthu in MN B1 (b), lch [179b]. Is féidir go raibh Peadar Ó Gealacáin ag tarraingt ar nóta a bhí breactha ag scríobhaí MN B1 i gcuid den lámhscríbhinn atá cailte anois, mar a thuairimigh de Brún & Herbert (1986: 88 col. b). Nó is féidir gur bhreac sé an nóta seo nuair a bhí MN B1 fillte aige ar a húnéir sa dóigh (gur cheap sé) gur chuimhnigh sé ar a raibh ann go contráilte, agus a chiall ag imirt air toisc gurbh eol dó nach bhféadfadh sé gur breacadh an lámhscríbhinn sa bhliain 1777.

léigh an leabhar go raibh rud ar bith contráilte leis,<sup>2474</sup> agus cé nach éasca meabhair nó úsáid ar bith a bhaint as an gcolafon sin leis an gceist seo a réiteach, is féidir gur chóipeáil Matha Mhac Cinnéadaigh é ó chuid den lámhscríbhinn atá ar iarraidh anois.<sup>2475</sup> Ní dóigh liom gur thug Matha Mhac Cinnéadaigh a bhréag d’aon ghnó anseo. Is féidir go bhfaca Peadar Ó Gealacháin an dáta 1747 áit eile sa leabhar sular cuireadh ceangal nua air. Mheabhródh an lámh seo peannaireacht LN G190 agus CM L7(3-5) don té a chaithfeadh súil uirthi go gasta, ach go bhfuil sí níos biorraí, na litreacha *c* agus *d* ach go háirithe. Tá samplaí den *e*, *r* neamhghnách a luadh thuas, agus an litir *i* os *a* anseo, agus rinneadh an téacs a chomhfhadú sa dóigh chéanna agus a pléadh thuas. Baintear úsáid as an leagan amach céanna, ceanteidil, srl., tríthi, agus cibé duine a scríobh, chaith sé a dhúthracht léi. D’fhéadfaí lámhscríbhinní eile gan síniú a lua atá cosúil le peannaireacht Pheadair Uí Dhoirnín ó lorg na láimhe de, cosúil le láimh an pheannaire—murarbh é an t-údar féin é—a ghraf na cóipeanna de ‘Eachtra Mhuireadhaigh mhic Diaindheirg’<sup>2476</sup> agus ‘Teagmhála Duibh mhic

<sup>2474</sup> Ba leasc le sealbhóir MN B1, Brian Ó Searcaigh (*q.v.*), de réir dealraimh, ligean do Mhatha Mórdha Ó Graeme an colafon dar dáta 1777 a ghearradh den scríbhinn toisc gur cheap sé go scriosfadh sin ‘the antiquity of the book’, de réir mar a deirtear i litir a scríobh Matha Mórdha Ó Graeme chuig Nioclás Ó Cearnaigh ar an 10 Aibreán 1845, COC T<sup>1</sup>59 (59), mír 1 (*a*). Faoi dheoidh, thug sé cead do Mhatha Mórdha Ó Graeme stiall bheag a ghearradh de chuid (*b*), lch 179 (féach an *M.N. Cat.*, iv, 111), ar a raibh scríofa ‘Crích don dara ra[imh] d’Eachtra na cCuradh’ (Ó Donnchadha 1939: 98; de Brún 1967: 152). Tá an píosa beag sin greamaithe den litir a scríobh Matha Mórdha Ó Graeme ar an 10 Aibreán 1845 chuig Nioclás Ó Cearnaigh, COC T<sup>1</sup>59 (59), mír 1 (*a*). Féach nóta 2475, nó Ó Donnchadha (1939: 97-8).

<sup>2475</sup> Is léir, más fiú a lua, gurb é seo an colafon dá ndearna Matha Mórdha Ó Graeme tagairt ina litir, COC T<sup>1</sup>59 (59), mír 1 (*a*), rud a cuireadh i gcló in Ó Donnchadha (1939: 98),

I would not be permitted to tear out the name and date by O Dornin’s hand lest it might not be returned, though I proposed writing in the page I would take out. This, they said would be like a forgery and would destroy the antiquity of the book. The name and date is in the middle of a page (the back of which is also written on) and in a triangular form taking up the greater part of a page.

<sup>2476</sup> ARÉ 23A10 (960), lgh 87-176. Is iad lgh 87-176 an tríú cuid den lámhscríbhinn. Comhleabhar nach fios dúinn cá huair ná cá háit ar cuireadh le chéile é atá ann. Níl síniú ná ainmneacha léitheoirí sa chuid seo den lámhscríbhinn, agus níl sé soiléir cá huair a tháinig sí chuig an Acadamh Ríoga. Is é rud atá sna codanna eile den lámhscríbhinn: (1) blogh (lgh 1-46) atá i láimh an duine a scríobh OÉG H20 (*a*); (2) lámhscríbhinn bheag (lgh 47-86), gan dáta, a scríobh Pádraig Ó Pronntaigh (*q.v.*), agus a bhí, sa bhliain 1840, ag ‘Pronshais Ua Brian es Cillannaidh’ (lch 85), *R.I.A. Cat.*, 2757. Scríobh Éamonn Mhac Gabhann (*q.v.*) éigin, nach bhfuil rud ar bith eile againn uaidh, dhá rann (cuid 2, lch 86) inti sa bhliain 1772. An té a bhfuil a ainm buailte ar an lámhscríbhinn le stampa, ‘P. Farrelly’ (lgh 1, 47), is

Deaghla agus a Chloinne' atá san Acadamh Ríoga.<sup>2477</sup> Mar a léirigh Ó hUiginn (2009: 406-7) cheana féin, is cosúil nárbh fhada ó Phádraig Ó Pronntaigh, ó thaobh ama agus geograife, an scoláire a scríobh an dá scéal thuas, agus tá sé an-soiléir gur chaith MN B1 tréimhse fhada i dtuaisceart Cho. Lú, murarbh ann féin a scríobhadh í. D'fhéadfaí an rud céanna a rá faoi OÉG H34, lgh 133-88, agus na leathanaigh fáin in LPBF 6 a luadh cheana, lámhscríbhinn arbh fhiú breathnú go mion uirthi amach anseo. Ní hí MN B1 an t-aon lámhscríbhinn gan síniú a leagadh ar Pheadar Ó Doirnín;<sup>2478</sup> ba dhóigh leis an duine anaithnid<sup>2479</sup> a scríobh tuairisc nua ar lámhscríbhinní O'Laverty gur féidir go bhfuil CM L3 (*b*) i láimh Pheadair. Cóip den leagan nua-aimseartha de 'Táin Bó Cuailnge' atá inti, an t-athscríobh déanach a rinneadh ar Leagan IIb (Stowe) san 18ú hAois. Tá na tréithe peannaireachta céanna ar an lámhscríbhinn seo arís. Is ar éigean, áfach, is féidir gur tháinig na lámhscríbhinní seo uilig, nó a bhformhór, fiú, ó pheann Pheadair, agus muid feasach air gur minice a leagtar lámhscríbhinní gan síniú ar scoláirí móra ná scríobhaithe beag le rá. Is fiú linn, is dóigh liom, a bheith ar ár n-airdeall i dtaobh na lámhscríbhinní seo. Mura féidir teacht ar réiteach anois, d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil seans maith ann go léiríonn na cosúlachtaí idir na lámhscríbhinní seo go síolraíonn siad uilig ó ghrúpa scríobhaithe ar leith a bhaineann leis an gcéad leath

---

féidir gurb ionann eisean agus Pádraig Ó Faircheallaigh (*q.v.*), scríobhaí ar a ndéanfar plé i gCaib. 2.161 thíos.

<sup>2477</sup> ARÉ 24P31(1) (1075). An duine céanna a scríobh an chuid seo agus ARÉ 23A10 (960), lgh 87-176, thuas. Níl a dhath ar bith ar eolas faoi stair na lámhscríbhinne nó gur shroich sí cnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh. De réir an cheangail atá ar an lámhscríbhinn, dealraíonn sé gur cheannaigh Roibeard Mac Ádhaimh í roimh 1852. Rud eile atá inspéise is ea an nóta atá i gcló san *R.I.A. Cat.*, 3002, a baineadh as ceann de na leabhair nótaí neamhfhoilsithe a cuireadh le chéile le linn do Purton a bheith ann, 'a former cataloguer (unpub. Notebook 143) has shown, from dialectic peculiarities in the text, that the tale which occupies this section of our MS. is the work of a Co. Meath author, and that it was probably transcribed in south Co. Louth or on the Meath-Monaghan border'. Is mór an ráiteas é, agus ní dócha go bhféadfaí contae ar leith a cheangal leis an lámhscríbhinn ar fhoirmeacha canúna amháin, cé go bhfuil sé soiléir go mbaineann an lámhscríbhinn le háit éigin sa Mhí nó in Oiriaila. Gheofar liosta de lámhscríbhinní ina bhfuil an téacs i nóta 1459 thuas.

<sup>2478</sup> Chonaic muid samplaí i nóta 2425 thuas.

<sup>2479</sup> Priontáladh an chatalóg seo ar ghnáthphrintéir, agus ní féidir gur scríobhadh í breis agus 40 bliain ó shin, is dócha. Cuireadh sleachta aisti leis na lámhscríbhinní nuair a bhí siad á gcur ar mhionscannán don Leabharlann Náisiúnta.

den 18ú hAois, agus gur féidir go raibh siad lonnaithe gar do Dhún Dealgan an uair sin. Chonaic muid gur minic a léiríonn cosúlachtaí láidre peannaireachta idir scríobhaithe gur bhain siad le scoil ar leith. Tóg, mar shampla, na scríobhaithe a bhí ag obair leo i Stigh Colláin sa tréimhse chéanna. Nó is féidir go gcruthófar feasta nach bhfuil baint ag na lámhscríbhinní a luadh thuas lena chéile. Níor mhiste an cheist seo a chur ar athlá, ar an drochuair.

Ós rud é gur luadh CM L3 (*b*) cheana, níor mhiste aird a thabhairt air go bhfuiltear á rá le fada go raibh baint éigin ag Peadar Ó Doirnín le cumadh nó le seachadadh an leagain deiridh—nó an ‘final development’, mar a thugann Cecile O’Rahilly air—de ‘Táin Bó Cuailnge’. Athscríobh nua-aimseartha, canúnach agus leath-thruaillithe de Leagan Iib (Leagan Stowe) is ea an ‘final development’ seo, agus taispeánann na foirmeacha canúna atá ann gur dócha gur tiomsaíodh é in Oiriaila (O’Rahilly 1961: lvii) sa chéad leath den 18ú hAois, áit a raibh cumadh an phróis faoi bhláth ag an am sin (Ó Buachalla 1975: 25).<sup>2480</sup> Ar ghiota eolais amháin, colafon a scríobh Pádraig Ó Loingsigh in LB Add. 18748, a bunaíodh an tuairim sin gurbh é Peadar Ó Doirnín a bhí freagrach as. Is éard a scríobh Pádraig Ó Loingsigh, go fírinneach, gur bhain sé an chóip den téacs ‘Imtheacht na Tromdháimhe’ atá in LB Add. 18748 as lámhscríbhinn a ghráf Peadar Ó Doirnín do Phádraig Merriman sa bhliain 1730,<sup>2481</sup> agus toisc go bhfuil dlúthcheangal ag an téacs sin le ‘Táin Bó Cuailnge’ a bhfuil cóip di i lámhscríbhinn Phádraig Uí Loingsigh fosta,<sup>2482</sup> glactar leis gur baineadh an chóip sin as lámhscríbhinn na bliana 1730. Ó tharla nach féidir teacht ar leagan (dátaithe)

---

<sup>2480</sup> Tá i bhfad níos mó foirmeacha canúna sna lámhscríbhinní déanacha, m.sh. COC M37 (37), ná na cóipeanna luatha de chuid Leagan Iib, m.sh. ARÉ 24P4 (92). Maidir leis na foirmeacha seo, féach O’Rahilly (1961: liv).

<sup>2481</sup> Gheofar cóip den cholafon sa *B.M. Cat.*, ii, 328.

<sup>2482</sup> LB Add. 18748.

den téacs déanach Ultach i lámhscríbhinn a breacadh roimh an dáta sin,<sup>2483</sup> agus gur cóip den leagan sin í cóip Phádraig Uí Loingsigh, tá sé le tuiscint as an méid sin gur scríobh Peadar Ó Doirnín an chóip indátaithe is luaithe den leagan déanach a bhfuil tagairt againn di. Chreid O’Rahilly (1961: lvii), i ndiaidh di dianstaidéar a dhéanamh ar na leaganacha éagsúla den saothar casta fairsing sin, gur athscríobh a bhí sna cóipeanna déanacha seo ar théacs de chuid Leagan Iib (Stowe) nárbh fhada é ó ARÉ 24P4 (92), cóip a ghráf Pádraig Mac Oghannáin sa bhliain 1687.<sup>2484</sup> Thuairimigh sí fosta gur féidir gur shíolraigh na cóipeanna nua-aimseartha uilig ar bhealach amháin nó eile as an gcóip a scríobh Peadar Ó Doirnín sa bhliain 1730 (atá cailte anois). Bhí Ó Buachalla (1969: 9 n.7) sásta, agus é ag scríobh cúpla bliain ina dhiaidh sin, ‘talamh slán’ a dhéanamh de gur scríobh Peadar Ó Doirnín an leagan seo. Níor mhiste a lua gur scríobhadh dhá leagan nua-aimseartha dhifriúla den ‘Táin’ sa Tuaisceart ag an am sin—nó b’fhéidir gur chuirte a rá gur dhá chineál cóipe ar leith iad, a bhaineann le línte seachadta thar a bheith éagsúil óna chéile, nó gur leagan feabhsaithe ceann acu den cheann eile. Tá fáil ar an dara leagan seo in aon chóip easnamhach amháin, LB Eg. 209, go bhfios dom, a bhreac peannaire cumasach agus scoláire maith Gaeilge san 18ú hAois, ach amháin na chéad ocht nduilleog den lámhscríbhinn sin, a deisíodh sa 19ú hAois. Pléadh í cheana sa chuntas ar Phádraig Mhac Gabhann i gCaib. 2.71 thuas, scríobhaí ó Cho. an Chabháin. Ghráf Pádraig Mhac Gabhann na chéad ocht nduilleog seo i bpáirt le scríobhaí eile le bearna sa tseanscríbhinn a líonadh,<sup>2485</sup> thart faoin mbliain 1809, b’fhéidir. Is cosúil gur

---

<sup>2483</sup> Tá an chóip is luaithe dá bhfuil againn den leagan seo in LN G457. Pádraig Ó Pronntaigh a scríobh í sa bhliain 1759.

<sup>2484</sup> Ní gá dul isteach sa ghaol atá ag na lámhscríbhinní éagsúla de chuid Leagan Iib (Stowe) lena chéile anseo. Gheofar liosta de na lámhscríbhinní agus nótaí orthu—lenar cheart CM D3 (*b*), 18ú hAois; COC M37 (37), 1812; COC C[6] (119), 1811; LPBF 37 (*a*), 1809; agus LN G636, 19ú hAois, a áireamh—in O’Rahilly (1961: xlvii-lvi). Féach nóta 3235, áit a ndéantar tagairt do chuid de na cóipeanna seo. Tugann dáileadh na lámhscríbhinní le fios gur cuireadh an leagan seo le chéile áit éigin i gCo. an Dúin nó i dtuaisceart Cho. Lú.

<sup>2485</sup> Féach nóta 1496 thuas.

cóipeáladh na duilleoga sin ó chodanna den lámhscríbhinn bhunaidh a bhí dreuite go mór faoin am sin, óir is doiligh ciall ar bith a bhaint astu. Níor aithin S. H. O’Grady lámh na príomhchoda, agus ghlac sé leis gur scríobhadh an lámhscríbhinn uilig i gCo. an Chabháin sa chuntas a thug sé uirthi sa *B.M. Cat.*, i, 589-90:

A considerable fragment, imperfect at either end, of the famous tale ... Their extreme corruptness reduces the ‘restored’ folios above to a negligible quantity, and the text proper begins:—“... *maith linn teacht go hEamhain*” i.e. “...we would fain go to Emania.” ... This recension is the same as that of Add. 18,748, art. 2, and their language is of the same order, but the texts are not identical; while the Cavan<sup>2486</sup> scribe is vastly more correct than he of Louth,<sup>2487</sup> as well as a better penman.

Ní rómhaith a théann, áfach, an chóip de ‘Táin Bó Cuailnge’ atá in LB Eg. 209 le LB Add. 18748; tá léamha inti a aontaíonn go dlúth lena bhfuil i lámhscríbhinn Stowe, ARÉ C.vi.3 (740), in éadan na gcóipeanna déanacha eile atá liostaithe ag O’Rahilly (1961: lviii). Ní fada stíl pheannaireachta LB Eg. 209, ff. 9-68, uaithi siúd atá sna lámhscríbhinní eile a ndearnadh plé orthu thuas. Is dóigh nach mór an rud é a áiteamh gur ghraf scoláire í a mhair ag am am céanna agus sa dúiche chéanna agus Peadar Ó Doirín; sin nó go raibh baint acu beirt leis an ngréasán liteartha céanna, ach ní hionann sin, ar ndóigh, agus a rá gur scríobh,<sup>2488</sup> ná gur cheap Peadar an leagan seo. Sin ceist a gcaithfidh muid í a fhágáil gan réiteach anseo.

---

<sup>2486</sup> Scríobhaí LB Eg. 209, ff. 9-68.

<sup>2487</sup> Scríobhaí LB Add. 18748 .i. Pádraig Ó Loingsigh, Loch an Oileáin, Co. an Dúin.

<sup>2488</sup> Tá lámh LB Eg. 209 i bhfad níos foirmeálta ná CM L7(3-5) agus LN G190.



- A** { **ARÉ 23P12 (536)**. Blogh di. Gluaiseanna. Droichead Átha 1769.
- ARÉ E.ii.1 (746)**.<sup>2491</sup> Cuid di. Dánta le [Séamus Mac Cuarta, Cathal Mag Ruaidhrí, Pádraig Mac a Liondain], P[eadar] Ó D[oirnín], amhrán Béarla, mallacht, iomarbhá idir Séamus Ruadh agus Maghnus [? Buidhe = Peadar Ó Doirnín]. Baile Chearráin, Damh Liag, An Mhí 1765.
- LB Eg. 139**.<sup>†</sup> Blogh di.<sup>2492</sup> Giotáí d’amhráin.
- B** { **CT H.6.17 (1421)**. Blogh di. Amhrán. Droichead Átha 1792.<sup>2493</sup> Do *John White*.<sup>2494</sup>
- OB B26**. Bloghanna di. Ceithre amhrán. Droichead Átha 1802. [Do *Edward Bunting*].

Is doiligh a bheith cinnte nach bhfuil muid ag plé le beirt scríobhaithe anseo, an chéad duine acu (**A**) ag scríobh idir 1765 agus 1769; agus an duine eile (**B**) freagrach as giotáí fáin a scríobhadh breis agus fiche bliain ina dhiaidh sin. Is fearr an

<sup>2489</sup> Deir O’Conor (1934: 468) go raibh cónaí ar Thomás i nDroichead Átha idir na blianta 1760 agus 1769, ach ní fios dom goidé a thug air an chéad dáta, 1760, a scríobh—go bhfios dom, níorbh eol dó gur ghráf Tomás mórán lámhscríbhinní ach na giotáí in ARÉ 23P12 (536) .i. *Leabhar Bhaile an Mhóta*, agus ní luaitear ann ach dhá dháta sa bhliain 1769 i nótaí Thomáis Uí Dhoirnín. Dhealródh sé gur sleamhnú pinn é seo.

<sup>2490</sup> Tugann O’Reilly (1820: cvii), agus scoláirí eile a tháinig ina dhiaidh ‘Thomas O’Durnin’ air ach is léir nach raibh i gceist ag Edward O’Reilly ach aistriúchán a bunaíodh ar an leagan Gaeilge; síníonn an scríobhaí a ainm mar ‘Tho<sup>s</sup> Durnin’, ARÉ E.ii.1 (746), lch 108, OB B26(1); nó ‘Thomas Durnin’, OB B26(21).

<sup>2491</sup> Ceanglaítear scríobhaí ARÉ E.ii.1 (746), lgh 101-16, agus sealbhóir ARÉ 23P12 (536) go foirmeálta lena chéile san *R.I.A. Cat.*, 2289, sa chuntas ar ARÉ E.ii.1 (746),

‘This is in the hand of “Tho. Durnin” (p. 108), who was at “Carranstown” [in Meath], in 1765 (p. 115*i*). His handwriting (*cf.* especially BB facs., 225, outer margin) shows him to be the scribbler who has written his name in many places in the Book of Ballymote, ...’, *R.I.A. Cat.*, 2289.

<sup>2492</sup> F. 81 amháin. Féach nóta 2503.

<sup>2493</sup> Tá an leathanach fillte mar a bheadh litir ann, agus an seoladh ‘John White, Botanic Garden [*sic*], Glass Nevin, Dublin’ ar a chúl, maille le dhá mharc poist, ‘NOT PAID’ agus ‘APR / 30 / 9[2?]’.

<sup>2494</sup> Féach nóta 2493 thuas, mar a bhfeicfear an seoladh poist, ‘Botanic Garden [*sic*]’, rud a scríobh Tomás Ó Doirnín ar chúl na duilleoige a chuir sé chuig John White sa bhliain 1792(?). Garraíodóir a bhí ann, agus bhí sé lonnaithe sna Botanic Gardens i nGlas Naíon le linn na 1790í. Deir Ó Casaide (1932: 17) go bhféadfadh sé gur scoláire Gaeilge é, tharla go dtugann sé leaganacha Gaeilge de chineálacha féir ina leabhar *Essay on the Indigenous Grasses of Ireland* (1808).

pheannaireacht<sup>2495</sup> sna blúirí déanacha seo, más ionann na botúin litrithe a fhaightear sna scríbhinní uilig, agus an claonadh chun foirmeacha canúna a úsáid.<sup>2496</sup> Glactar leis anseo, mar sin, go bhfuiltear ag plé le duine amháin ar scríobhaí ón dúiche thart ar Dhroichead Átha é. Blogh 16 leathanach de lámhscríbhinn is ea í a chéad iarracht atá ar caomhnú go fóill, ARÉ E.ii.1 (746). Scríobhadh í i mBaile Chearráin, atá suite idir Damh Liag agus Droichead Átha. Ba sa tréimhse thart ar an 26 Aibreán 1765 agus an 22 Bealtaine 1765 a grafadh í,<sup>2497</sup> agus tá sí lán le samplaí d’fhillíocht Oiriaila: an dán cáiliúil úd ar bhás Eoghain Ruaidh Uí Néill; dán Shéamuis Mhic Cuarta ar Chaisleán na Glasdromainne; ceann eile le Pádraig Mac a Liondain; agus an chóip úd de ‘Eachtra an Ghearráin Bháin’ le ‘P. O D.’ .i. Peadar Ó Doirnín, a luadh sa chuntas ar an bhfile sin i gCaib. 2.149 thuas. Is ábhar spéise fosta an dán mallachta ar dhuine de mhuintir Netterville atá istigh leis na dánta eile: dhealródh sé gur ceapadh é ar dhuine de mhuintir Theach Dhubhadh.<sup>2498</sup> Diomaite de gur thuairimigh cúpla scríbhneoir go bhféadfadh Tomás a bheith gaolta le Peadar, ní féidir sin a dhearbhu.<sup>2499</sup> Bhí *Leabhar Bhaile an Mhóta* idir lámha ag Tomás i

<sup>2495</sup> Tá blúirí den luathpheannaireacht le feiceáil i *Leabhar Bhaile an Mhóta*, agus sampla den pheannaireacht dhéanach (as OB B26) in Moloney (2000: 150).

<sup>2496</sup> Ar na tréithe sin, tá an nós litrithe *-adh > -amh* in úsáid mar riail, beagnach, i gcás briathra, ainmfhocal, agus eile. Féach go n-úsáidtear an mhír dhiúltach *cha(n)*, srl., foirm a sheachnaftí go minic, in ARÉ E.ii.1 (746), agus in OB B26. Thug Ó Buachalla (1975-6: 292; 1977a: 99 n.20) faoi deara go bhfuil an fhoirm *cha chreidiom* in ARÉ E.ii.1 (746), lch 114. Cé gur thaispeáin Ó Buachalla (1975-6) go críochnúil nár chruinn do O’Rahilly a scríobh ‘At the moment I cannot point to any sure instance of *cha* being so written in an Irish text, printed or MS., before the nineteenth century’ (1932: 270), is iomadúla go mór an fhoirm seo i lámhscríbhinní na 19ú hAoise, agus tá sí an-uathúil roimhe sin, roimh 1780 ach go háirithe, sa dóigh gur tréith idirdhealaithe bailí í (cé nach saintréith í) de chuid na lámhscríbhinní seo. Maidir leis na lámhscríbhinní déanacha, féach an fhoirm *char bha éadail*, a gheofar sa chóip den amhrán ‘Róis Bheag Dhubh’ atá in OB B26(1).

<sup>2497</sup> Lgh 115, 101.

<sup>2498</sup> Is féidir gurbh é Tomás a chum an mhallacht ar an ‘Neitrilleach’, duine de mhuintir Netterville, in ARÉ E.ii.1 (746), lch 116.

<sup>2499</sup> Deir O’Conor (1934: 467) go bhfuil Tomás ‘perhaps to be connected with Peadar Ó Doirnín, the leading poet of S.E. Ulster in the generation after Tadhg Ó Neachtain’, agus tá a leithéid de nóta ag de Rís (1969: xxi n.25). Pléann Ó Casaide (1932: 17) cuid de na tagairtí atá againn do Thomás Ó Doirnín i gcomhthéacs bheatha Pheadair Uí Dhoirnín fosta, ach ní fheicim go bhfuil bunús leis na tuairimí seo, ach go raibh an bheirt scríobhaithe ar aon sloinne lena chéile. Ní leor sin.

nDroichead Átha le linn na bliana 1769,<sup>2500</sup> agus léiríonn na céadta gluais a chuir sé léi go ndearna sé iarracht ar chodanna di a léamh.<sup>2501</sup> Dearbhaíonn nóta sa lámhscríbhinn gur Chaitliceach é: ‘Guibhim an tArd-Rígh ta [’bh]flaithios na niomh go ttoaga se ann smálse de na Gaodhal bocht .i. a mbeith fuidh dhaorse ag éirchidh, 7 fuid[h] smacht ag Clan Lúiter’.<sup>2502</sup> Agus thriail sé filíocht dá chuid féin a chumadh, dhealródh sé.<sup>2503</sup>

Is beag eolas atá ar fáil faoi na blianta deireanacha dá shaol, ach amháin gur chaith sé iad i nDroichead Átha. Ghraf sé cóip den téacs *Ba uaithne iad na mullaigh áit ar hoileadh mo mhórshinsir* do John White [? sa bhliain 1792], agus dearbhaíonn sé linn go raibh sé ag cur faoi sa bhaile sin ag bun an leathanaigh. Tá istigh leis na hamhráin a bhailigh Pádraig Ó Loingsigh (*q.v.*) do Edward Bunting ceithre amhrán i láimh Thomáis, agus an 18 Feabhra 1802 mar dháta scríofa le ceann acu. Bhí cónaí ar dheartháir le Edward Bunting i nDroichead Átha an uair sin, agus chuaigh Pádraig Ó Loingsigh ann i mí Aibreáin na bliana 1802 le teistiméireacht a fháil ón deartháir seo. Fuair Tomás Ó Doirnín na hamhráin sin ón traidisiún béil,<sup>2504</sup> agus ghraf sé iad

<sup>2500</sup> Tharla go bhfuil an bhaint a bhí ag Tomás Ó Doirnín le *Leabhar Bhaile an Mhóta* á scrúdú ag scoláire mór faoi láthair, ní fiú liom sin a phlé anseo. Gheofar tuilleadh eolais san *R.I.A. Cat.*, 1614-15, agus in Ó Casaide (1932*b*). B’fhéidir nár mhiste a lua nach dóigh liom go raibh an ceart ag Séamus Ó hArdagáin nuair a scríobh sé go raibh Tomás Ó Doirnín ina ‘clerke to the Flower Mills’ i gCruimlinn, Co. Aontroma (Ó Casaide 1932*a*: 139), óir tá sé lonnaithe sa dúiche thart ar Dhroichead Átha gach uair a chasann muid leis sna taifid.

<sup>2501</sup> Shínigh sé an lámhscríbhinn cúpla uair; féach ff. 135, 166, 246, mar shampla. Gabhann dátaí cruinne le cuid de na sínithe seo: f. 135, ‘Tomas O Duirnidhin an Drioghat Ath. In mhí Ebran 1769’; f. 166, ‘An 12 la don Challionn Maí 1769’. Is éasca peannaireacht Thomáis Uí Dhoirnín a aithint ar chuid mhaith de na gluaiseanna atá sa lámhscríbhinn.

<sup>2502</sup> F. 108. Leanann leathrann, i láimh Eoghain Uí Choinníolláin, an méid thuas:

‘Gidh be duine scriob[h] an rann  
bhi easbhuidh céile *air* a cheann’.

<sup>2503</sup> Tá cúpla dréacht in LB Eg. 139, f. 81, an méid acu atá inléite go fóill: ‘a single leaf with various attempts at verse, much corrected and rewritten. The writer’s name does not appear, but he was of N.E. Leinster, as appears from the dialect and the occurrence of the name Drogheda. At the top of the *verso* is a brief English-Irish glossary’, *B.M. Cat.*, ii, 94-5. Féach nóta 2498 thuas, áit a bhfaighfear nóta i dtaobh rainn eile ar féidir gur scríobh Tomás Ó Doirnín iad.

<sup>2504</sup> Féach an nóta a scríobh Tomás Ó Doirnín le ‘Róis Bheag Dhubh’: ‘N.B. The above I got from Different Persons, and I do not like some Verses of it, however it’s all I can Collect at present. Tho<sup>s</sup> Durnin’, OB B26(1).

sa bhaile.<sup>2505</sup> Amhráin mhóra na tréimhse sin atá in dhá cheann acu, ‘Róis Bheag Dhubh’ agus ‘Cailín Deas Crúite na mBó’; is tearc iad na tagairtí don tríú hamhrán acu seo, ‘Mo Nóinín Gléigeal’, sna lámhscríbhinní,<sup>2506</sup> agus is amhrán Béarla é an ceathrú ceann. Ní féidir teacht ar fhianaise chruinn i dtaobh dháta a bháis.<sup>2507</sup>

**2.151. Padraig Ó Domhnaigh, fl.1821**

[Pat<sup>k</sup> Downey]

**ARÉ 23B8 (434).** Formhór di. ‘Beatha Mherlino Maligno’, dán leis an Ath. Uilliam Ó hÍcidhe, ‘Aithridhe Pheadair Seoighe’, laoi fiannaíochta. An Ghléib, Liatroim 1821.

**ARÉ 23B16 (438).**\* ‘Iomarbhágh na bhFileadh’.

I measc na sínithe atá in ARÉ 23B8 (434), a scríobhadh sa Ghléib, Co. Liatroma, sa bhliain 1821, tá May Downey, James Downey, Thomas Downey, agus Cathren Downey, a thug ar an leabhar ‘my father’s Irish book’.<sup>2508</sup> D’fhéadfadh sé gurbh iníon leis an scríobhaí í, mar sin, nó gurbh iníon í le duine muinteartha leis. Níl a dhath ar bith ar eolas faoi Phádraig Ó Domhnaigh. Ghraf Eoin Cruig (*q.v.*) an chuid eile de ARÉ 23B8 (434).

**2.152. Maghnus Ó Domhnaill, fl.1694-1706**

**ARÉ 23M12 (10).**\* Annála, ‘Craobhsgaoileadh Gearr ar Mhaicne Míleadh’, dánta le hEochaidh Éigeas Ó Cléireacháin, [Seán Ó Dubhagáin], Giolla

<sup>2505</sup> OB B26(21), ‘Wrote by Thomas Durnin, Drogheda, 18<sup>th</sup> Feb<sup>ry</sup> 1802’.

<sup>2506</sup> Luaitear ‘The Shining Daisy’ mar fhonn le roinnt amhrán, áfach.

<sup>2507</sup> Cailleadh clárleabhar Reilig an Chorda, Droichead Átha, breis agus céad bliain ó shin. Tá leac uaigne i seanreilig Cholpa a réitíonn leis an méid eolais atá againn air. Tugann sí le fios gur éag ‘Thomas Durnan’ éigin sa bhliain 1821 agus é 81 bhliain d’aois, go raibh bean aige darbh ainm Bridget Durnan [? a fuair bás in 1821 fosta], agus go bhfuair mac leis, ‘Peter Durnin’, bás sa bhliain 1841. Féach Garry (1992-3: 69), mar a bhfaighfear cóip iomlán den inscríbhinn.

<sup>2508</sup> Lch 85.

Phádraig Óg Mac an Bhaird, Baothghalach Dubh Mac Aodhagáin, Giolla  
Bhríghde Ó hEodhasa, Colum Cille, Cuimín Coinneire, Séadna, Ultan  
Liathdroma, Bearchán, Maol Tamhlachta, [Dubhlitir Ó hUathghaile], laoithe  
fiannaíochta. [1706].<sup>2509</sup>

**ARÉ 23M3 (331).**<sup>2510</sup> Formhór di. ‘Eachtra an Phaláis Dhraoidheachtamhla’,  
‘Eachtra an Cheithearnaigh Choille Chompáisigh’. [1706].<sup>2511</sup>

**ARÉ 23M10 (335).** ‘Eachtra Chonaill Ghulban’, ‘Eachtra Risteaird agus  
Lisarda’. 1706.<sup>2512</sup>

**ARE 23M40 (345).**\* Léirmheas agus ceartúcháin ar ‘Foras Feasa air  
Éirinn’.

**LPBF 41.**<sup>2513</sup> Leagan Gaeilge den *Corpus Astronomiae*. 1694.

Níl d’eolas againn ar an Ath. Magnus Ó Domhnaill<sup>2514</sup> ach gur mhair sé idir na blianta 1694 agus 1706, agus go raibh an Spáinnis ar a thoil aige, mar is follas ó chuid de na téacsanna a thiontaigh sé ón teanga sin go Gaeilge. Fágann sin gur dóigh, mar a scríobh O’Connell (1915: xxv) cheana, go ndearna sé a chúrsa staidéir in

---

<sup>2509</sup> Is ceart an plé a dhéanann O’Rahilly, *R.I.A. Cat.*, 49, ar an lámhscríbhinn seo, ARÉ 23M12 (10): ‘Scribe does not sign his name, but a comparison with 23M10 shows him to be Father *Maghnus Ó Domhnaill*. ... The present volume and two others written by the same scribe (viz. 23M10 and 23M3, the former being dated 1706) were in Dublin in 1742, when Aodh Ó Dálaigh transcribed their contents into the MS. now numbered H. 1. 10 in T.C.D. In 1772 the three now separate volumes still constituted a single MS., which was in the possession of Maurice Gorman, of Dublin ...’  
Deir O’Rahilly go bhfuil an chatalóg ar coimeád in [ARÉ] I.v.1 [(745)] i gcúpla áit, *R.I.A. Cat.*, 1, 38, 49, ach tá an chuid sin den lámhscríbhinn sa Leabharlann Náisiúnta anois faoin uimhir LN G664, *N.L.I. Cat.*, xii, 70. Shroich sí an Leabharlann Náisiúnta ó chnuasach lámhscríbhinní Thomas F. O’Rahilly; féach an *N.L.I. Cat.*, xii, 44, 70, tar éis a bháis (1953), sa bhliain 1954. Tugtar nóta eile i dtaobh ARÉ 23M12 (10), ARÉ 23M3 (331), agus ARÉ 23M10 (335) san *N.L.I. Cat.*, iv, 103, agus luann Nessa Ní Shéaghdha go bhfuil an chatalóg ar coimeád in LN G664 anois. Tá roinnt eolais faoin gcatalóg seo agus an úsáid ar bhain T. F. O’Rahilly aisti in Sharpe (2013: 114, 117-18); agus tugtar beagán eolais faoi chatalóga eile Mhuiris Uí Ghormáin i nóta 2868.

<sup>2510</sup> Scríobh *Maghnus* an lámhscríbhinn síos go lch 116 [lch 118 ó cheart], áit a bhfuil an nóta ‘Do leabhraibh *Maghnus* Uí D[h]omhnaill .i. an sagart, mé’. Féach an *R.I.A. Cat.*, 915.

<sup>2511</sup> Féach nóta 2509 thuas.

<sup>2512</sup> Féach nóta 2509 thuas.

<sup>2513</sup> Féach O’Connell (1915: xxiv-xxv), áit a bhfuil cuntas aige ar cholafon na lámhscríbhinne, agus an t-ábhar a fuair sé ann ar *Maghnus Ó Domhnaill*.

<sup>2514</sup> Is féidir a rá gur shagart é mar gheall ar an nóta a d’fhág sé againn in ARÉ 23M3 (331), lch 116 (118). Tá cóip de i nóta 2510 thuas.

Salamanca, nó i gcoláiste eile sa Spáinn. Thiontaigh sé saothar Cortes, an *Corpus Astronomiae*, go Gaeilge sa bhliain 1694, ní a chuir O'Connell (1915) in eagar; is í seo caint thomhaiste an eagarthóra sin i dtaobh fhiúntas an leagain Ghaeilge,

Father Manus' version is, on the whole, very creditable. He did not follow the order of the original, nor did he succeed in completing the translation of the work... As a rule he omits sentences containing words, such as names of foreign fruit, for which there is no Irish equivalent: sometimes he borrows the Spanish word in a Gaelicised form. ... From time to time he interpolates a few words of explanation, or brings an example up to date... Some archaic forms have been deliberately introduced, ... on the other hand, there are provincialisms... As regards the declension of adjectives, his grammar is careless...<sup>2515</sup>

Ag deireadh na lámhscríbhinne ina bhfuil an t-aon chóip amháin den saothar seo atá againn, LPBF 41, autograf nár cuireadh i gcrích riamh, tá an nóta rúndiamhrach seo i bpeannaireacht Mhaghnuis,

Más beag leat sin ní bhfuil agat féin acht o Charn Muigh[m]onaidh go Bearnas Mór, eidir na nglascharn agus eile, do chur leis.<sup>2516</sup>

Ghlac T. F. O'Rahilly leis gurbh as Co. Dhún na nGall don Ath. Maghnus, agus luann sé a chuid lámhscríbhinní cúpla uair mar fhoinsé eolais ar Ghaeilge Cho. Dhún na nGall i saothair éagsúla dá chuid,<sup>2517</sup> agus is dóigh go raibh an ceart aige. Cé nach éasca 'Carn Muigh[m]onaidh' a cheangal le logainm ar bith, téann sé le céill gurb é an Bearnas Mór an bearnas úd atá sa bhaile fearainn ar a dtugtar Céide Uacht., tuairim is naoi míle taobh thoir de bhaile Dhún na nGall. Mionainm atá ann nach

---

<sup>2515</sup> O'Connell (1915: xxvi-xxvii). Maidir le húsáid aidiachtaí, féach teideal an aistriúcháin in ARÉ 23M3 (331), 'Eachtra an Phaláis Dhraoidheachtamhla'.

<sup>2516</sup> Tugaim an nóta mar atá sé in O'Connell (1915: xxvi), ach amháin gur thug mé úsáid na gceannlitreacha chun sleachta beagán. Ba é O'Connell (1915: xxvi) a léigh 'o Charn Muigh[m]onaidh' thuas. Tá poll sa lámhscríbhinn, áit ar cuireadh isteach an litir *m* idir lúibíní, agus is féidir gur tomhas iomrallach é, ach más fíor sin, níl réiteach na faidhbe agam.

<sup>2517</sup> Féach O'Rahilly (1932: 42, 45, 167, 207 *n.*3, 215; 1950: 349).

mbeadh ar eolas ag éinne, is dóigh liom, ach an té a raibh baint láidir aige leis an gcontae sin.

Is cóip ghlan d'ábhar ARÉ 23M3 (331) agus ARÉ 23M10 (335) iad na chéad 119 nduilleog de CT H.1.10 (1284), lámhscríbhinn a ghráf Aodh Ó Dálaigh don Dr Francis Stoughton Sullivan i mBaile Átha Cliath sna blianta 1742 agus 1747;<sup>2518</sup> agus bhain Muiris Ó Gormáin cuid de LN G146 as ARÉ 23M3 (331) sa bhliain 1770.<sup>2519</sup> Bhí ARÉ 23M12 (10), ARÉ 23M3 (331), agus ARÉ 23M10 (335) faoi aon chlúdach amháin nuair a chláraigh Muiris Ó Gormáin mar chuid dá chnuasach iad i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1772.<sup>2520</sup> Tharraing Mícheál Ó Cathasaigh, dochtúir an ghúta, ar lámhscríbhinní an Ath. Magnus fosta.<sup>2521</sup> Taobh amuigh de na cóipeanna a rinne Aodh Ó Dálaigh agus Muiris Ó Gormáin de na scéalta rómánsaíochta, is i bpeannaireacht an Ath. Magnus amháin atá a chuid saothar. Níl aon eolas againn a ligfeadh dúinn a áiteamh go raibh cáil air mar údar riamh, ná ní heol dom go bhfuil téacsanna eile leis ar fáil i lámhscríbhinní daoine eile.

### 2.153. Séaghan Ó Donnghaile, *ob.c.*1748

[John Donnelly]

**ARÉ 24I5 (1140).** Cóip den aistriúchán Laidine ar 'Foras Feasa air Éirinn', tráchtas gramadaí. [An Chros Naofa, Lobháin]; Droichead Átha (?), Co. Lú<sup>2522</sup> 1712.

Tugadh cuntas gearr ar an mbráthair Doiminiceach seo, ar ar cuireadh oiliúint i gcoinbheint Dhroichead Átha, den chéad uair i saothar O'Heyn ar Dhoimnicigh na

---

<sup>2518</sup> Féach an cuntas catalóige sa *T.C.D. Cat.*, 21-2, agus an ceartúchán ag *T.C.D. Cat.*, 331.

<sup>2519</sup> Féach an *N.L.I. Cat.*, iv, 103-4.

<sup>2520</sup> Féach nóta 2509 thuas.

<sup>2521</sup> Féach ARÉ 23G5 (781), leabhar a scríobh Mícheál Ó Cathasaigh idir na blianta 1797 agus 1798.

<sup>2522</sup> Tá 'Drogheda' scríofa ar leathanach teidil na lámhscríbhinne, ach féach an t-eolas a thugtar i gcorp an chuntais thuas ar na háiteacha a thaitigh sé sna 1710í. Caithfidh sé, áfach, díreach mar a luaigh Fenning (1976-7: 73) cheana, gur scríobhadh formhór an leabhair seo i Lobháin.

hÉireann, *Epilogus Chronologicus* ... (1706),<sup>2523</sup> saothar ar ar tharraing cúpla scríbhneoir eile scéal, Fenning (1976-7) ach go háirithe, a bhailigh cuid mhaith eolas úr air. Is beag sonraí atá ar fáil faoina óige. Is í an t-aon scríbhinn Ghaeilge dá chuid a tháinig anuas chugainn ARÉ 24I5 (1140), ina bhfuil cóip de thráchtas gramadaí a cuireadh le chéile ‘re hobar 7 stuidair Labhráis Uí C[h]athalan’,<sup>2524</sup> rud a d’athscríobh an tAth. Séaghan Ó Donnghaile é féin sa bhliain 1712. Ar an ábhar sin, bhunaigh mé an bheathaisnéis seo go léir, beagnach, ar alt Fenning (1976-7), agus tá cúpla nóta agam ar lámhscríbhinní eile a leagadh air le fada ach nach dóigh liom gur scríobh sé iad, ina ainneoin sin.

Ní fios cá huair a rugadh Séaghan Ó Donnghaile, agus is ag an gCros Naofa i Loháin in 1703 a fhaigheann muid an chéad spléachadh air, agus é ag cosaint tráchtais ann. Chuir sé críoch lena chúrsa staidéir in Amiens, áit a raibh sé ina *lector artium* in 1706 (Fenning 1976-7: 72; Fenning 2001: 134). De réir Fenning (1976-7: 73), chaith an tAth. Séaghan na chéad naoi mbliana eile thar sáile, i Loháin den chuid ba mhó. Ba ann a bhí Labhrás Ó Cathaláin (*q.v.*), scríobhaí Gaeilge ó Bhaile Mhic Eileoid, Co. Lú, ag déanamh staidéir an uair sin; déantar tagairt dó i gcairt a scríobhadh sa choláiste sa bhliain 1714. Ceapadh an tAth. Séaghan ina *regens primarius* ar Choláiste San Sisto sa Róimh ar an 17 Feabhra 1715, agus d’fhan sé ann go dtí mí na Bealtaine 1719. Seo an scéal mar atá sé ag Hugh Fenning,

Returning then to Drogheda, his convent of affiliation if not his native town, Father Donnelly played a large part both in building up the community already established there and in the wider affairs of the Dominican Province. He was, in fact, already prior of Drogheda in August 1721 when the

<sup>2523</sup> Tugtar an tagairt ina hiomláine anseo, de réir mar a chuirtear os ár gcomhair í in aistriúchán Béarla Coleman (1902: 23): ‘Father John O’Donnell, who studied at Louvain, and finished his studies at Amiens, in France, where he is now lector of arts, and an estimable religious’.

<sup>2524</sup> ARÉ 24I5 (1140), lgh 385-9. An teideal seo air: ‘Graimeir Gaoid[h]ealg ana ttrachtar go haithg[h]ear ar chonsoinnibh 7 ar g[h]uituaighe na teanga Gaodhealg 7 mur do g[h]reamuighid a guthaighthe 7 a consoinnibh dá cheile mar áon re gearradh siolla 7c<sup>a</sup>. Re hobar 7 stuidair Labhráis Uí C[h]athalan da chairuid ionm[h]uin ead[h]on Séughan Ô Donnuile 7c<sup>a</sup>’.



provincial chapter named him examiner for faculties and of postulants for Ulster. Later on he was to be secretary of the chapters of 1724 and 1732, a pro-definitor in June 1725 ... and definitor of the chapter of 1726. At Drogheda itself, he was prior for at least three terms, though not necessarily consecutive ones: 1720-23(?), 1725-28, and then from June 1732 until he was called away in the following year'.<sup>2525</sup>

Chuaigh sé chuig Coláiste Doiminiceach Corpo Santo i Liospóin, áit ar ceapadh ina reachtaire é ar an 28 Márta 1733—d'fhág sé Droichead Átha i ndiaidh an 3 Bealtaine 1733, agus shroich sé Liospóin ar an 24 Meitheamh 1733, mar ar fhan sé go dtí an 18 Iúil 1736. D'fhill sé ar Dhroichead Átha, rinneadh prióir de arís ar an 12 Nollaig 1736, agus d'fhan sé sa phost sin nó go bhfuair sé ardú céime eile nuair a ceapadh é mar bhíocáire ginearálta agus coinbheasóir na mban rialta Doiminiceacha i nDroichead Átha ar an 25 Iúil 1739. Ba ag Geata Shráid na gCapall [West Gate] i bParóiste Pheadair a bhí an choinbheint Dhoiminiceach i nDroichead Átha an uair sin. D'fhan sé sa phost sin go lá a bháis, in ainneoin é a bheith liostaithe i measc na nDoiminiceach a raibh cónaí orthu díreach taobh amuigh de Gheata Shráid na gCapall [West Gate]<sup>2526</sup> i dtuairisc an tsirriaim ar an 6 Márta 174<sup>3</sup>/<sub>4</sub>, 'John Donnelly ... resideing in a house without the West Gate'. Cuireadh an ruaig orthu le linn na géarleanúna móire a tharla an bhliain sin (Burke 1914: 292-3; Fenning 1976-7: 74-5).

Tá an chatalóg a chuir sé le chéile dá leabharlann—am éigin i ndiaidh 1728, agus chomh mall leis an mbliain 1742, is féidir—pléite cheana ag Fenning (1976-7). Ní beag mar theist ar a léannta a bhí an tAth. Séaghan í an leabharlann sin, tharla go bhfuil leabhair i gcúig theanga luaithe sa chatalóg. Ní shonraítear inti, ámh, aon lámhscríbhinn Ghaeilge eile seachas an ceann a tugadh thuas, ARÉ 24I5 (1140); seo

---

<sup>2525</sup> Fenning (1976-7: 73-4).

<sup>2526</sup> An leagan a chuala Thomas O'Conor agus Patrick O'Keeffe ó mhuintir an bhaile sa bhliain 1835. Féach an litir a scríobh siad chuig Thomas A. Larcom ar an 24 Nollaig 1835, ARÉ 14D23, lch 52; Herity (2012: 237).

an tuairisc a thugtar uirthi: ‘Historia Hiberniae D. Keting manuscrip ... 1 tomus’. Áirítear 160 leabhar sa liosta, agus críochnaíonn sé leis an bhfrása ‘cum multis aliis libris’. Ós rud é gur togha riarthóra a bhí ann, b’fhéidir nach ionadh é go bhfuil cúpla leabhar ar chúrsaí rúnaíochta ina liosta. D’aimsigh Fenning ceithre leabhar eile lena ainm orthu nár cláraíodh ann, ceann acu a bhí ina sheilbh chomh fada siar leis an mbliain 1734, agus ceann eile a foilsíodh sa bhliain 1745 (Fenning 1976-7: 75, 97), rud a léiríonn nach raibh sé i bhfad as baile ar a choimeád tar éis eachtraí na bliana 1744. Fuair an tAth. Séaghan Ó Donnghaile bás am éigin roimh an 18 Eanáir 1749, an lá ar cuireadh litir chuig banab na coinbheinte i dtaobh an chléirigh a bhí le ceapadh ina áit. Dhealródh sé, dar le Fenning (1976-7: 75), uaidh sin go bhfuair an tAth. Séaghan bás thart faoi mhí na Nollag 1748.

Thuairimigh an Moins. Ó Fiannachta, *M.N. Cat.*, vi, 33—agus lean Ó Baoill (2007: 83) a chomhairle—gurbh é an tAth. Séaghan Ó Donnghaile seo againn an té a scríobh MN C92 (*f*) agus, mar gheall ar an bpeannaireacht, an bhlogh den ‘Leabhar Gabhála’ atá in MN C92 (*g*). Dhealródh sé gur ar bhonn a ainm a bheith luaite le ceann amháin de na dánta in MN C92 (*f*), ar a laghad, a mheas an Moins. Ó Fiannachta gurbh é *Ioannis Donnelly* an scríobhaí. Rud amháin ar son na hargóna sin is ea nach ionann an lámh a ghráf nóta ar bharr leathanaigh sa lámhscríbhinn amhail is gur cholafon é, ‘scriptum per Hugonem ...’,<sup>2527</sup> agus lámh an phríomhscríobhaí, ach is léir ag an am céanna nach ionann lámh an phríomhscríobhaí sin agus an Ath. Séaghan Ó Donnghaile, mar atá sí in ARÉ 24I5 (1140). Ní chruthaíonn sé seo, ar

---

<sup>2527</sup> Lch 20. Is é an t-aon Aodh atá ar eolas agam a raibh baint aige le lámhscríbhinní Gaeilge na bProinsiasach nó na nDoiminceach sa cheantar seo i dtréimhse na Nua-Ghaeilge an Hugh Kelly a chuir a ainm le ARÉ 24L18 (*b*) (128), lch 110. Tá dáta leis i Laidin, 1703, ach ó tharla nár grafadh an lámhscríbhinn go dtí an bhliain 1734, is dóigh go bhfuil cuid den dáta fágtha ar lár aige.

ndóigh, nár chum an tAth. Séaghan Ó Donnghaile seo againn cuid de na píosaí sa lámhscríbhinn, ach amháin nach dócha gur ghraf sé iad.<sup>2528</sup>

Tá leid amháin eile ann nach féidir gurbh é scríobhaí ARÉ 2415 (1140) an té a bhreac MN C92 (f) fosta. Istigh leis na bloghanna eile a chuimsíonn LB Eg. 139, tá dréachtaí de sheanmóirí Caitliceacha, agus iad i láimh an té a scríobh MN C92 (f), agus an giota beag sin in MN C92 (g). Faightear na meancóga ortagrafaíochta céanna iontu go léir, agus tá a thuilleadh téacsanna sa láimh sin in LN G447, cúpla dán ar an dul céanna le hábhar MN C92 (f),<sup>2529</sup> agus an chóip is sine, déarfainn, de ‘Comhairle Mhic Clámha’ atá ar fáil anois.<sup>2530</sup> Cé go bhfuil an chuma air gur shagart ó Dheoise Ard Mhacha a scríobh na seanmóirí in LB Eg. 139 am éigin i ndiaidh 1715,<sup>2531</sup> is léir ón gcaint atá iontu gur Phroinsiasach é *údar* na seanmóirí sin;<sup>2532</sup> ba d’Ord San Doimínic an tAth. Séaghan Ó Donnghaile. I measc an ábhair neamhghnách atá sa bhlogh lámhscríbhinn sin, MN C92 (f), tá caoineadh ar Eoghan mac Shéamuis Uí Dhonnghaile, an file a ghlac páirt mhór in *Iomarbhágh na Láimhe Deirge*, agus

---

<sup>2528</sup> Tá na hinisil ‘J. D.’ leis an téacs (lch 9), *Da bhríogh so, a rialt na mara*, dar le Pádraig Ó Fiannachta, *M.N. Cat.*, vi, 34, ach níl mé cinnte gur léigh sé i gceart iad; is cinnte, áfach, gur leagadh [ ] *je cearc is gabhrin beg breac* (lch 10) ar Joannem Donnelly éigin, mar a deir an Moins. Ó Fiannachta. Cumadh dhá pháosa sa lámhscríbhinn seo sa bhliain 1697, *Tá Eogan speruil don phór rem* [...] (lch 7), ‘Poema compositum [super] persecutiones, 1697’; agus *Olc an sgealse i ttaoibh o t[h]uaith* (lch 20), caoineadh ar an bhfile Eoghan mac Shéamuis Uí Dhonnghaile (féach nóta 506 thuas); cumadh ceann eile in 1695, *Créad an g[h]airse an fhiath fuinidh?* (lch 4), ‘Epitaphium in laudem Comitissae de Antrim compositum’; agus chuaigh ábhar [...] *a rag an Adhamhchloinn bheith tuirseach tinn* (lch 18), ‘In laudem reginae Angliae Guillmitae ... per sutorem quendam compositum’, i gcoróin in 1689, mar ar fhan sé go dtí a bhás sa bhliain 1702. Seo an cineál ábhair atá sa lámhscríbhinn seo ar an móróir, gan fáil ar an gcuid is mó díobh i gcló ná i lámhscríbhinní eile. Baineadh na céadlínte agus na sleachta Laidine as an *M.N. Cat.*, vi, 33-4. Tá leagan eile den pháosa greannmhar *Mas i so bliadhain na mbodach*, MN C92 (f), lch 26, in LN G447, lch 17, áit a dtosaíonn sé leis an líne *As olc labhras an t-ughdar*, agus tá sé i bhfad níos iomláine ná an ceann eile atá in MN C92 (f).

<sup>2529</sup> LN G447, lgh 17-28. Féach an *N.L.I. Cat.*, x, 23-6, agus nóta 2528 thuas.

<sup>2530</sup> Dar le Duffy (1965: 317), ba í an chóip atá in ARÉ 2311 (126) an ceann is sine. Risteadar Tuibear a scríobh í; tá tomhas déanta ag Duffy (1965: 317) gur grafadh í idir 1700 agus 1730.

<sup>2531</sup> Tagraíonn an téacs do chúrsaí riaracháin i nDeoise Ard Mhacha sa bhliain 1715, ach cuireadh brí an téacs i gceilt d’aon ghnó; déantar plé ar an gcineál ‘léasa’ seo in Ó Fiaich (1975).

<sup>2532</sup> Má chreideann muid, ar ndóigh, gurbh é an té a ghraf na seanmóirí seo an té a cheap iad.

tugtar 1697 mar dháta báis dó ann.<sup>2533</sup> Baineann cuid mhaith den ábhar trí chéile le cúrsaí na hEaglaise i mblianta luatha na bPéindlíthe, 1691-1697.

Scríobh Art Ó Néill (*q.v.*) lámhscríbhinn, ARÉ 24P24 (1073), do Sheon Ó Donnghaile (mac Éamoinn) éigin sa bhliain 1700, agus bhreac léitheoir éigin darbh ainm ‘John Donnelly’ a ainm ar CT H.4.31 (1372). Cé nach féidir aon eolas a sholáthar faoin léitheoir seo, ba é Eoghan Carrach Mac Conmhaoil (*q.v.*) a ghraf príomhábhar na lámhscríbhinne seo in Ucht Leacain, Co. Ard Mhacha, sa bhliain 1668.

#### **2.154. Doimnic Ó Dubhda, fl.1816-17**

**LJR Ir. 83.** Formhór di. Laoithe fiannaíochta, dánta. 1816-17. [? Do *Phádraig Mhac Bhrádaigh*].<sup>2534</sup>

Ghraf Pádraig Mhac Bhrádaigh, An Ghreallach, Co. an Chabháin, na chéad chodanna den leabhar seo sa bhliain 1816, agus, tharla gur scríobh sé go suarach iad, is féidir gur ar a shon a ghraf Doimnic Ó Dubhda an chuid is mó de idir an bhliain sin agus 1817: ‘Of the two, Ó Dúda was the better scribe; his spelling is less erratic than that used by Brady and his penmanship fairly good’ (de Brún 1969: 559).

Dhealródh sé, cibé rud é, go raibh an lámhscríbhinn i seilbh Phádraig Mhic Bhrádaigh ar feadh tamall gairid tar éis a scríofa.<sup>2535</sup> Ní luaitear Doimnic Ó Dubhda ar bith i bparóiste Leamhaigh i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1821, agus ní raibh

---

<sup>2533</sup> Féach Caib. 1.4.1, nóta 506 thuas. Maidir leis an gceangal a mheastar a bheith aige le CT H.5.28 (1399), féach nóta 116 thuas.

<sup>2534</sup> An té a scríobh an chuid eile den lámhscríbhinn. Féach an cuntas air i gCaib. 2.42 thuas.

<sup>2535</sup> Féach nóta 1262 thuas.

Pádraig de Brún in ann teacht ar thagairt dó i *Leabhair Deachúnaithe* an pharóiste sin, a cuireadh le chéile sa bhliain 1834.<sup>2536</sup>

**2.155. Eoghan Ó Dúiche, fl.1824-35**

[Eugene Duffy]

**ARÉ 24L31 (817).** Blogh di. Dán le Pádraig Mac Cumhaigh. 1827.

**C Add. 4436 (19).** Bloghanna di. Dán le Pádraig Mac Cumhaigh, ‘The Old Woman’s Remonstrance’ (Béarla). 1826.

Is féidir buille faoi thuairim a thabhairt faoin dúiche lenar bhain an scríobhaí Gaeilge, Eoghan Ó Dúiche, toisc gur chuir sé ábhar sa bhliain 1826 le lámhscríbhinn a bhreac an tAth. Pádraig Ó Luain (*q.v.*) ó dheisceart Cho. Ard Mhacha an bhliain roimhe sin. De bhreis air sin, bhí lámhscríbhinn<sup>2537</sup> le Pádraig Mhac Gatháin (*q.v.*), Dún gCuaile, Co. Lú, idir lámha ag Eoghan an bhliain dár gcionn, 1827, nuair a chuir sé dán le Pádraig Mac Cumhaigh léi. Fuair an tAth. Pádraig Ó Luain iasacht de lámhscríbhinn Phádraig Mhic Gatháin, ARÉ 24L31 (817), fosta.

Tugann Eoghan ‘Eugene Duffy’ air féin áit amháin in C Add. 4436 (19), agus is ar bhonn an nóta sin, is dóigh, a thuairimigh de Brún (2009: 221-2) gurb ionann Eoghan Ó Dúiche, an sealbhóir lámhscríbhinní, agus an Eugene Duffy a chuir a ainm le rúin Dhún an Rí ar an 5 Meán Fómhair 1827. Shínigh Eugene na rúin chéanna ar son Mhíchíl Uí Thónair (*q.v.*), scríobhaí a raibh cónaí air i bparóiste Bhaile an Chaisleáin i dtuaisceart Cho. Lú, ach níl an t-ainm Eugene Duffy luaite áit ar bith ar rollaí pá an chumainn sin. Ba bhaill iad Pádraig Mhac Gatháin, Pádraig Ó Luain, agus Mícheál Ó Tónair uilig den *Irish Society* le linn na mblianta seo, agus is eol

<sup>2536</sup> ‘A family named Dowd resided in Grellagh in 1821, but in 1834 the holding was occupied by a Thomas Dowd; Damnic Ó Dúda of the manuscript was possibly a relative’ (de Brún 1969: 559).

<sup>2537</sup> ARÉ 24L31 (817). Féach lch 109, mar a bhfuil a ainm, ‘Eoghan Ó Dúighthe’, agus an dáta 1827.

dúinn go raibh aithne an-mhaith ag Pádraig Mhac Gatháin ar Phádraig Ó Luain agus ar Mhícheál Ó Tónair faoi seach. Ba dhóigh le de Brún (2009: 221 *n.2*), mar sin, gurbh aon duine amháin iad Eugene Duffy agus an Owen Duffy a bhí ag fáil airgid ón gcumann idir mí na Samhna 1826 agus mí na Bealtaine 1827, rud a cheanglódh Eoghan an scríobhaí leis an Owen Duffy a bhí ag múineadh daltaí sa Mhuinchille [‘Slieve’], i bparóiste Chéin, gar do Bhaile Bharúin, Co. Lú, nuair a cuireadh *Tuarascáil* 1824<sup>2538</sup> le chéile. Dhealródh sé, más fíor sin, go bhfuil sé le ceangal fosta leis an scoláire Gaeilge, Owen Duffy ó Dhún Gall, Co. Lú, a thug cuidiú do lucht na Suirbhéireachta Ordanáis sa bhliain 1835 (de Brún 2009: 221 *n.2*, 223). D’fhéadfadh sé fosta, dar le de Brún (2009: 222), gurb é Eoghan an cigire ——— Duffy a bhí i seirbhís an *Irish Society* idir 1836 agus 1848, ach is doilí go mór an duine seo a cheangal leis an scríobhaí, ar ndóigh.

Níl Dún Gall ach achar an-ghearr ó Mhuinchille, agus tá sé le léamh ar fhaisnéis na lámhscríbhinní lenar chuir Eoghan an scríobhaí a ainm gurbh i bhfogas don teorainn idir Co. Lú agus Co. Ard Mhacha a bhí cónaí air. Is féidir é a cheangal leis an Eugene Duffy a shínigh na rúin, agus is dóigh gurb é an Owen Duffy a dtugtar a ainm sna rollaí pá, ar an ábhar sin. Ag fágáil an chigire sin, ——— Duffy, as an áireamh, is dóigh gurb aon duine amháin atá i gceist sna tagairtí uilig a tugadh thuas.

#### 2.156. Pádraig Ó Dúiche, *fl.*1808-27

[Patt Duffy]

LC 1. ‘Eachtra agus Imtheacht Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, ‘Tuireamh an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Bruidhean Eochaidh Bhéildeirg’, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, ‘Eachtra an Reagaire

<sup>2538</sup> Lgh 712-13. Tá mé faoi chomaoin ag Brian Kilkenny, mac léinn i Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, mar gheall ar an mionneolas áitiúil a thug sé dom i dtaobh logainmneacha pharóiste Chéin, agus an cuntas seo á chur in eagar agam.

Thorpaigh', laoithe fiannaíochta, filíocht chráifeach le Donnchadh Mór Ó Dálaigh agus Baothghalach Ruadh Mac Aodhagáin, 'Tuireamh Peigí Déin', dánta le Peadar Ó Doirnín, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Pádraig Mac a Liondain, Séamus Mac Cuarta, Pól Ó Briain, Art Mac Cumhaigh. 1808-9.

Log scríofa ní thugtar sa lámhscríbhinn seo, ach is deimhin ón mbreacadaíl atá uirthi gur chaith sí tréimhse i gCo. an Chabháin, agus níorbh ábhar iontais é má scríobhadh í gar don teorainn idir Co. an Chabháin agus Co. na Mí, óir baineann ceann nó dhó de na téacsanna atá inti go láidir leis an dúiche sin.<sup>2539</sup> Cé nach bhfuil foinse ar bith ar eolas agam faoi láthair a bhréagnódh go críochniúil an tuairim gurbh é an scríobhaí seo an Patrick Duffy a bhí ag teagasc i scoil a bhí bainteach leis an *London Hibernian Society* i Suí Bheac, i bparóiste Thigh Thalláin, Co. Mhuineacháin, nuair a cuireadh *Tuarascáil* 1824, 466-7, le chéile, is é is dóichí nach é an duine céanna é. Is cosúla go mór gurb ionann an scríobhaí agus an Patrick Duffy dár thug an *Irish Society* díolaíocht idir mí na Samhna 1826 agus mí na Bealtaine 1827, a fhad is a bhí sé ag múineadh na Scrioptúr áit éigin i ndúiche Dhún an Rí. Shínigh an máistir céanna rúin an 5 Meán Fómhair 1827 (de Brún 2009: 223).

**2.157. Séamus Ó Dúiche, ob.1858**

[James Duffy]

CCM [C].<sup>2540</sup> Nótaí foclóra, cúpla dánfhocal. Mucshnámh, Muineachán  
1822, 1828.

---

<sup>2539</sup> Ba é Brian Rábach Ó Cléirigh a chum an téacs 'Eachtra an Reagaire Thorpaigh', dar le Peadar Ó Gealacáin, agus tá muid taobh leis an gcur síos a rinne Peadar Ó Gealacáin air gur mhair sé ag tús na 19ú hAoise i gCo. an Chabháin. Fágann sé sin gur féidir gur scríobhadh an chóip seo le linn don údar a bheith beo. Tá scríofa ar ghiota páipéir atá istigh leis an lámhscríbhinn gur dócha gur scríobhadh í i gCo. Lú nó i gCo. Ard Mhacha. Bhreac sealbhóirí agus léitheoirí nótaí ar an lámhscríbhinn a luaitear logainmneacha i gcuid acu: 'Anne Rooney Milltown', 'Bernard Cullen of Tunnyhull (?) in the parish (?) of Drumgoon', 'Andrew Corrigan Mullivan (?)', 'Filib A Gobhann dEglais Mhátadh' (Ó Riain 1968: 59).

<sup>2540</sup> Féach nóta 5 thuas.

**COBÁC A39 (a-b).** Bloghanna díobh. Rann agus nótaí. Baile an Scothaigh,  
Muineachán 1839.

D'fhéadfaí mórán a scríobh ar an Ath. Séamus Ó Dúiche, ach ó tharla nach bhfuil  
againn ach beagán dár scríobh sé, sa chaoi nach eol dúinn ar scríobhaí bisiúil riamh é,  
ní thugtar anseo ach creatlach a bheathaisnéise. Gheofar tuilleadh ábhair  
léitheoireachta in McKenna (1920a: 338, 440, 513n., 516-17, 523), Carville (2011:  
72-3), agus tá cuid mhór dá chomhfhreagras ar caomhnú go fóill i gcartlann Dheoise  
Chlochair.<sup>2541</sup>

Ba dheartháir é an tAth. Séamus Ó Dúiche le John Duffy (*ob.*1820), siopadóir ó Shr.  
Bhaile Átha Cliath, Muineachán, agus fágadh mac a dhearthár faoina chúram,  
Charles Gavan Duffy, páiste ceithre bliana, nuair a fuair John Duffy bás; sin an  
Charles Gavan Duffy a bhainfeadh clú amach in Éirinn agus san Astráil níos déanaí.  
B'fhéidir nár mhiste an cuntas a thug Gavan Duffy ar leabharlann a uncail, atá i gcló  
in Ó Dufaigh (1969: 114), agus i gCaib. 1.3 thuas, a thabhairt arís anseo:

Later a new world opened up to me in the library of my guardian. The  
spiritual shepherds naturally shared the privations of their flocks, and my  
guardian, like many another priest of that day, was content to live in a  
peasant's cottage into which a village carpenter had put some sash windows  
and wooden floors, and which a country mason had plastered and

---

<sup>2541</sup> Tugtar treoir díobh in Forsythe (1989).

Bhí beirt sagart darbh ainm James Duffy i nDeoise Chlochair i lár na 19ú hAoise, agus thugaidís beirt  
'Séamus Ó Dúiche' orthu féin sa Ghaeilge. Thig linn an bheirt acu a cheangal le lámhscríbhinní  
Gaeilge, agus is údar mearbhaill é seo, ar ndóigh. Is gnách go dtugtar James Duffy, *junior* (*ob.*1858)  
ar Shéamus Ó Dúiche, an scríobhaí, i dtaifid na Deoise. Is ionann James Duffy, *senior* (*c.*1777-1863)  
agus an tAth. Séamus Ó Dúiche, Broomfield, Domhnach Maighean, Co. Mhuineacháin, ar chum Art  
Mhac Bionaid (*q.v.*) dánta air. Ceanglaítear an bheirt acu trí dhearmad leis an mac-chléireach, James  
Duffy ó Dheoise Chlochair, a rinne staidéar i Maigh Nuad idir na blianta 1806 agus 1810, ach is é an  
tAth. James Duffy, *junior*, an scríobhaí thuas, atá i gceist anseo; rinne an tAth. James Duffy, *senior*,  
pátrún Airt Mhic Bhionaid, a chúrsa i Muineachán. Tá mé ag brath go mór ar a bhfuil scríofa ag  
staraithe na Deoise sa chuntas seo.

Chuir Dillon, Mooney & de Brún (1969: 78) an bheirt sagart trína chéile an uair a scríobh siad gurbh é  
an tAth. James Duffy, *senior*, a shínigh COBÁC A39, ach ó tharla go dtugann an sagart a shínigh an  
lámhscríbhinn sin an dáta 2 Samhain 1839, agus 'Scotstown' mar sheoladh, bhí sé i bparóiste Thigh  
Damhnata an uair sin, rud a ligeann duinn é a cheangal leis an Ath. James Duffy, *junior*, agus is  
eisean atá i gceist thuas. Áit ar bith eile a ndéantar tagairt sa chuntas seo don Ath. Séamus Ó Dúiche,  
is don Ath. James Duffy, *junior* (*ob.*1858) atáthar ag tagairt.



whitewashed, but which was rich in books and engravings. I do not think he ever introduced me to any of his collection, except a couple which came in too threatening a form to be welcome, Valpy's "Prosody", and Dr. O'Reilly's "Catechism of Catholic Doctrine", but I discovered treasure-troves for myself. ... three or four soiled and tattered plays of Shakespeare ... "Robin Hood" ... a volume or two of Swift's prose and poetry ... "Moore's Melodies" ... and Burns's poems ...<sup>2542</sup>

Deirtear i gclárleabhair Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, go ndeachaigh James Duffy ó Dheoise Chlochair isteach sa choláiste le staidéar a dhéanamh ar loighic ar an 22 Lúnasa 1806, agus bronnadh déagánacht air sa bhliain 1810 (Hamell 1982: 60). Ní thugtar an lá ar oirníodh é i dtaifid an choláiste. De réir an teastais atá i gcartlann Dheoise Chlochair, atá sínithe ag Daniel Murray, uachtarán an choláiste, ba ar an 22 Nollaig 1810 a rinneadh sagart de Shéamus Ó Dúiche,<sup>2543</sup> agus cuireadh siar chuig a dheoise dhúchais é. Thuigfí sin ó nóta a chuir James Murphy, Easpag Chlochair, chuig an Ard-Easpag John Thomas Troy ar an 15 Deireadh Fómhair 1812,<sup>2544</sup> á mhíniú nár lig sé don Ath. Séamus Ó Dúiche dul le bheith ina phrócadóir i gColáiste Phádraig toisc go raibh easpa sagart sa Deoise. Creidtear gur cuireadh an tAth. Séamus Ó Dúiche chuig Cluain Tiobrad mar shagart cúnta go luath tar éis a oirnithe, áit a raibh an Canón. Maginn ina shagart paróiste. Bhris agóid mhór amach idir an Canón. Maginn agus an tEaspag Murphy idir 1813 agus 1814, tharla gur mheas an Canón. Maginn gur sháraigh an tEaspag an t-údarás a bhí aige nuair a ghlac sé an cúram air féin 'peaca marfach' nua a chumadh, agus chuir sé gearán faoi chuig an Róimh.<sup>2545</sup> De réir mar a chuaigh cúrsaí i dtreise, rinneadh fornótaire den Ath.

---

<sup>2542</sup> Níl sa tagairt thuas ach achoimre ar na sleachta a thugtar in Ó Dufaigh (1969: 114) as dírbheathaisnéis Charles Gavan Duffy, *My Life in Two Hemispheres*.

<sup>2543</sup> Cartlann Dheoise Chlochair, DIO (RC) 1/4b/1. Tagairt ó Forsythe (1989).

<sup>2544</sup> Cartlann Dheoise Chlochair, DIO (RC) 1/4b/3. Tagairt ó Forsythe (1989).

<sup>2545</sup> Féach Forsythe (1989), mar a bhfuil plé ar na litreacha a bhaineann leis seo. Dealraíonn sé gur chuir an tEaspag cosc ar an ól, á rá gur pheaca marfach an riail seo a shárú. Ar ndóigh, níor tugadh aon aird dó, ach mheas an Canón. Maginn gur choinnigh an riail nua seo cuid mhaith daoine ar shiúl ón bhfaoin, agus chuir sé litir chuig an Easpag inar cheistigh sé an cinneadh a rinne sé. Nuair nár tháinig rud ar bith fiúntach as an litir, dealraíonn sé, scríobh an Canón. Maginn chuig an Róimh. Níl ann ach tús an scéil.

Séamus Ó Dúiche ar an 20 Márta 1815,<sup>2546</sup> le go mbeadh sé in ann cáipéisí a shíniú a bhain leis an iniúchadh a cuireadh ar bun i dtaobh an Easpaig (Carville 2011: 72). Tagraítear don Ath. Séamus Ó Dúiche a bheith lonnaithe i gCluain Tiobrad i mí Feabhra 1816 agus i mí an Mhárta 1817.<sup>2547</sup> Cailleadh an Canón. Maginn i mí Dheireadh Fómhair 1817, agus chinn an tEaspag Murphy ar a chóidiútar, an tAth. Edward Kernan, nia leis, a chur chuig Cluain Tiobrad mar shagart paróiste. B'fhearr go mór le muintir na háite an tAth. Séamus a bheith ina shagart paróiste orthu, agus níor loic siad nuair a tháinig an sagart nua le seilbh a ghlacadh ar an eaglais sna hEanaigh Gheala,<sup>2548</sup> is éard a rinne siad na doirse a dhruid air (Carville 2011: 72), nó deirtear i gcuntas McKenna (1920a: 516-17) gur 'ruaig' fear áitiúil go béasach é as an bparóiste. Chuir sé sin tús le haighneas nua, idir an tEaspag agus an tAth. Séamus anois. Thuig an tAth. Séamus go rómhaith, ón am ar scríobh an tAth. Michael Montague—a ceapadh ina áit mar phrócadóir i Maigh Nuad—litir chuige sa bhliain 1816,<sup>2549</sup> á mhíniú go raibh an tEaspag Murphy freagrach as nach bhfuair sé an post, toisc gur áitigh sé nach raibh an tAth. Séamus Ó Dúiche á iompar féin mar ba cheart sa Deoise ag an am sin.

Thángthas ar réiteach faoi dheoidh sa bhliain 1819, agus ceapadh an tAth. Séamus ina shagart paróiste ar Mhucshnámh ar an 20 Deireadh Fómhair 1820.<sup>2550</sup> Fuair sé léas ar fheirm i nDroim Lis, agus níorbh fhada a bhí sé ann nó go raibh an áit leasaithe aige, mar a chonaic muid i gcuntas Charles Gavan Duffy thuas, agus

---

<sup>2546</sup> Cartlann Dheoise Chlochair, DIO (RC) 1/4b/37.

<sup>2547</sup> Féach Cartlann Dheoise Chlochair, DIO (RC) 1/4b/43, agus DIO (RC) 1/4b/46. Tugtar nóta orthu in Forsythe (1989: 18).

<sup>2548</sup> 'Annayalla' i bparóiste Chluain Tiobrad.

<sup>2549</sup> Féach an litir a scríobh an tAth. Michael Montague, prócadóir, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, chuig an Ath. Séamus Ó Dúiche, an 11 Feabhra 1816. Tá sí ar coimeád i gCartlann Dheoise Chlochair, DIO (RC) 1/4b/43. Féach Forsythe (1989: 18).

<sup>2550</sup> Tugann McKenna (1920a: 440) an dáta seo, agus tá litir i dtaobh an cheapacháin sin, ar a bhfuil síniú an Easpaig Murphy, i gCartlann Dheoise Chlochair, DIO (RC) 1/4b/53, dar dáta an 20 Deireadh Fómhair 1820. Deirtear i nótaí eile dar dáta an 29 Meitheamh 1819, DIO (RC) 1/4b/54, go raibh an socrú déanta go gcuirfí an tAth. Séamus Ó Dúiche chuig paróiste an Ath. Peter McPharison nár mhair.

claíonna curtha aige timpeall uirthi. Sheol Séamus Ó Cathaláin, 39 Sr. Bhagóid, Baile Átha Cliath, cóip d’fhoclóir Edward O’Reilly (1817) chuige in 1822, agus thosaigh an tAth. Séamus ar an téacs a cheartú agus a fhorlíonadh ansin. Bhí sé fós ag cur corr-rud leis sa bhliain 1828. Tá an leabhar i gColáiste Mhic Cairthinn, Muineachán, anois.<sup>2551</sup> Cé nach bhfuil a chuid ortagrafaíochta ach measartha maith—sa dóigh gurbh fhoinsé mhaith eolais í ar Ghaeilge thuaisceart Cho. Mhuineacháin dá mbeadh tuilleadh samplaí dá chuid oibre ar fáil—bhí an méid seo le rá aige faoi shaothar O’Reilly,

This work has been compiled with the greatest diligence and research, but in the printing of it the vocabulary has been strangely confined owing either to the Editor or to the printer. In many instances that I could point out of words spelled by the same letters, the aspiration (that should make the distinctive sound) is neglected, with other innumerable errors and mistakes.<sup>2552</sup>

Nuair a cuireadh an tAth. Séamus chuig paróiste Thigh Damhnata i mí an Mhárta 1838 (McKenna 1920*a*: 338), shocraigh sé i mBaile an Scothaigh, mar ar chuir sé rann le lámhscríbhinn Bhriain Uí Chathaláin ar an 2 Samhain 1839.<sup>2553</sup> Aistríodh é go Machaire Cluana in 1842,<sup>2554</sup> toghadh ina bhall de chaibidil na Deoise é sa bhliain 1844 (McKenna 1920*a*: 338), agus cuireadh é go paróiste Chluain Tiobrad arís sa bhliain 1857, áit ar scríobh sé a thiomna ar an 23 Lúnasa 1857. D’éag sé, an tArd-Déagánach Séamus Ó Dúiche, corradh agus bliain ina dhiaidh sin, ar an 15

---

<sup>2551</sup> Tá cur síos ar an gcóip seo, agus liosta iomlán de na ceartúcháin a rinne an tAth. Séamus Ó Dúiche uirthi, in Ó Dufaigh (1969).

<sup>2552</sup> CMC [C], fordhuilleog. Baineadh seo as Ó Dufaigh (1969: 108).

<sup>2553</sup> COBÁC A39 (*b*), f. 22v. Féach nóta 2541 thuas.

<sup>2554</sup> Thángthas ar COFLA F1 i bparóiste Mhachaire Rois [? nó i bparóiste Mhachaire Cluana] sa bhliain 1947, *M.N. Cat.*, vi, 132. Lámhscríbhinn a bhreac Tomás Ó Caoindealbháin, An Creagán Dubh, Co. Ard Mhacha, sa bhliain 1795 atá inti, agus bhí sí i seilbh cúpla duine dar shloinne Ó Dúiche, James Duffy éigin ina measc. Dealraíonn sé gur bhain siad, nó cuid acu, le Co. Lú agus le Co. Mhuineacháin. Tugtar nótaí ar na léitheoirí seo sna cuntais ar Patrick Mihan agus ar Tomás Ó Caoindealbháin i gCaib. 2.109, 2.122 thuas, ach is beag eolas atá againn orthu.

Deireadh Fómhair 1858, i Lios Mac Uinseann, Cluain Tiobrad,<sup>2555</sup> agus adhlacadh é sna hEanaigh Gheala (McKenna 1920a: 513n.; Carville 2011: 73). Níl leac ar a uaigh.

**2.158. Domhnall Ó Duinn, fl.1714**

[Daniel Dunne]<sup>2556</sup>

**ARÉ 23N27 (966).** Tréanna (cuid díobh), ‘Teagasc Cormaic mhic Airt mhic Cuinn for a Mhac .i. Cairbre Lifeachair’,<sup>2557</sup> ‘Briathra Floinn Fíona mhic Cosa’, seanráite Fhithil, ‘Udhacht Morainn mheic Maoin’, dán le Philip Bocht [Ó Dálaigh]. ‘A cCarraic an Damhsa’ 1714.

Tá ábhar na lámhscríbhíne seo thar a bheith neamhghnách agus ársa, mar a thug Edward O’Reilly faoi deara.<sup>2558</sup> Mac le hÉamonn mac Sheoirse mhic Éamoinn mhic Sheáin mhic Dhonnchaidh Uí Dhuinn ab ea Domhnall Ó Duinn;<sup>2559</sup> agus dhealródh sé gur scoláire maith Gaeilge é. Grafadh cuid de na duilleoga deiridh i mí na Samhna

---

<sup>2555</sup> Dódh an tiomna féin nuair a scriosadh Sean-Oifig na dTaufeadaí Poiblí sa bhliain 1922, ach tá cóip di sna *Will Books* atá ar coimeád in PRONI. Tugaim an sliocht seo as an *Calendar of Wills and Administrations, Wills*, 1858, lch 67,

‘DUFFY The Reverend James. Effects under £200. 27 November. The Will of the Reverend James Duffy late of Lisnagunshan in the County of Monaghan Parish Priest deceased who died 15 October 1858 at Lisnagunshan aforesaid was proved at Armagh by the oath of the Reverend Peter Birmingham of Goland Murphy in the said County of Monaghan D.D. one of the Executors’.

Léitear ‘Lismagunshin’ .i. Lios Mac Uinseann, baile fearainn i bparóiste Chluain Tiobrad, thuas.

<sup>2556</sup> Bunaíodh an litríú Béarla ar na leaganacha Laidine ‘per me Danielem Dunnem’, ARÉ 23N27 (966), f. 19, srl. Tugtar an leagan Gaeilge ar f. 23, féach nóta 2559; agus na leaganacha Laidine ar ff. 19, 21, 24v. Tugtar an leagan Gaeilge arís ar f. 26v i láimh dhéanach; is dóigh gurbh é Aodh Mac Cába, an té ag a raibh an lámhscríbhinn seal, a scríobh an leagan Gaeilge sin.

<sup>2557</sup> Tá lán duilleoige de ‘Teagasc Chormaic’ in easnamh idir ff. 16v agus 17 [= lgh 30 agus 31], ach bhí an duilleog sin ann nuair a chóipeáil Seán Ó Donnabháin ábhar na lámhscríbhíne seo isteach in ARÉ 23O20 (135) sa bhliain 1828, nuair a bhí sí i gcnuasach Edward O’Reilly. Féach an *R.I.A. Cat.*, 390, áit a dtugtar le fios go réitíonn an leagan seo lena bhfuil in ARÉ 23D2 (132) ó thaobh leagan amach de. Scríobhadh an chuid de ARÉ 23D2 (132) ina bhfuil ‘Teagasc Chormaic’ sa bhliain 1661; agus bhí an lámhscríbhinn idir lámha ag John T. O’Clery go fóill sa bhliain 1847.

<sup>2558</sup> Mír 16 de chlár lámhscríbhíne Edward O’Reilly (1825) ab ea í. Gheofar cóipeanna den chlár seo in ARÉ 23H1 (1287), agus in CT H.6.20 (1422) (cóip neamhiomlán i láimh Sheáin Uí Dhonnabháin).

<sup>2559</sup> ‘<Íar>na scriobhadh le Domhnall Ó Duinn mac Eimuinn mhic Seóirsi mhic Eimuinn <mhic> Seáin mhic Donnchaidh &c. Aniuadh an t-ochtmdhadha la don deachmdhadha mí an bhliadhain <d’>Aoís an Tighearna 1714’, ARÉ 23N27 (966), f. 23.

1714 agus mí na Nollag 1714.<sup>2560</sup> Theip orm an log scríofa, ‘Carraic an Damhsa’, a cheangal le logainm reatha ar bith, murab é ‘Curraghdoos’ (*al.* ‘Carrickdoes’), \*An Chrois [Crosh], i bparóiste Ard Sratha, Co. Thír Eoghain, an log atá i gceist. Bhí an leabhar i seilbh Aodha Mhic Cába éigin, san 18ú hAois, is dóigh. Ní hionann é, ar an bpeannaireacht, cibé rud é, agus an scoláire, Aodh Mhac Cába (*q.v.*), a raibh cónaí air gar do Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, agus a ghráf lámhscríbhinní idir 1800 agus 1801. Bhí lámhscríbhinn Dhomhnaill Uí Dhuinn tar éis Baile Átha Cliath a bhaint amach faoin mbliain 1825 nuair a chláraigh Edward O’Reilly í.<sup>2561</sup>

## 2.159. Seoirse Ó Duinn

**CT H.4.14 (1355).** Blogh di.<sup>2562</sup> Rainn.

Is dóigh go raibh Seoirse Ó Duinn ina bheatha thart faoi dheireadh na 17ú hAoise, nó i bhfíorthús na haoise ina dhiaidh sin. Bhí sé eolach ar an Laidin, mar is follas ó na nathanna beaga a d’úsáid sé sa bhlogh den lámhscríbhinn a ghráf sé. Ní mó ná dhá leathanach den lámhscríbhinn thoirtíúil sin CT H.4.14 (1355) atá ina láimh, ach is dóigh go raibh cur amach aige ar cheird an scríobhaí an uair sin, óir is maith an lámh atá aige. Ba é Cathal Mhac Searraigh (*q.v.*) a ghráf formhór CT H.4.14 (1355) idir na blianta 1685 agus 1686, agus tá rainn Sheoirse scríofa ar leathanaigh a bhfuil cuid de shaothar láimhe Chathail orthu. Ní eile, is dóigh go raibh Seoirse eolach ar an dán *Slán má do phósadh, a Dhomhnaill Mhég Nósa*.<sup>2563</sup> Níl ach dhá chóip den dán seo againn, ceann acu in LB Add. 40766, a grafadh áit éigin i gCo. Fhear Manach, is

---

<sup>2560</sup> Tugtar na dátaí seo sa lámhscríbhinn, an 4 Samhain 1714, ARÉ 23N27 (966), f. 19; an 8 Nollaig 1714, f. 23; an 15 Nollaig 1714, f. 24v.

<sup>2561</sup> Féach nóta 2558 thuas.

<sup>2562</sup> Lgh 202, 204.

<sup>2563</sup> Féach Caib. 1.3, colafon 112, agus an nóta mínithe atá leis.

dóigh, ag deireadh na 17ú hAoise; ghráf Peadar Ó Gealacáin an ceann eile in COC M55 (55), ar sraith sleachta í as LB Add. 40766.

Ní heol dom go raibh páirt ag Seorsa le Domhnall Ó Duinn (*q.v.*).

**2.160. Seán Ó Duinn, c.1773–**

[John Dunne]

**ARÉ 23054 (1363).** ‘Bruidhean Eochaidh Bhéildeirg’, amhráin agus dánta le Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, [Cathal] Mac Cába, Pádraig Mac a Liondain, Séamus Mac Cuarta, Peadar Ó Doirnín, iomarbhá idir Séamus Mac Cuarta agus Niall Óg, ‘Mairgne Éamoinn Uí Chléirigh’, ‘Tuireamh Mhurchaidh Crúis’, autograf. Baile Nua na Manach, An Mhí 1827, 1842-3.

**LN G702(4).** Dán agus aitheasc le Seán Ó Duinn. Baile Nua na Manach, An Mhí [1843].<sup>2564</sup>

Diomaite de go ndéantar corrthagairt don mháistir scoile seo i lear foilseachán a bhaineann le lámhscríbhinní Gaeilge Cho. na Mí, m.sh. Ní Mhunghaile (2011: 144-5; 2014: 115-16; 2015: 564), srl., agus le gníomhaíochtaí an chumainn Ghaeilge a bhí lonnaithe i nDroichead Átha thart faoin mbliain 1843, is beag eolas atá ar fáil ina thaobh. Is iad na cuntais is iomláine a tugadh ar Sheán Ó Duinn, go bhfios dom, iad siúd atá in Ó Mórdha (1958c: 163) agus in de Brún (2009: 224-5).

Tháinig Seán Ó Duinn ar an saol thart faoin mbliain 1773, agus i dtuaisceart Cho. na Mí, is dócha.<sup>2565</sup> Luaitear é den chéad uair i dtaifid an *Irish Society* ar an 27 Aibreán 1822, nuair a tugadh 25 ghiota de Thiomnaí dó, ach is féidir go raibh Seán ag léamh

---

<sup>2564</sup> Is é rud atá in LN G702(4), litir ó Michael Levins ó Dhroichead Átha, an 14 Lúnasa 1843, chuig Roibeard Mac Ádhaimh, agus cúpla giota le Seán istigh léi. Féach nótaí 2568, 2571 thíos.

<sup>2565</sup> Deir Michael Levins sa litir a scríobh sé an 14 Lúnasa 1843, LN G702(4), go raibh Seán Ó Duinn 70 bliain d’aois an uair sin. Ní théann na cláir baistí i bparóiste Ráth Cheannaigh (Baile Nua na Manach) níos faide siar ná 1784.

Gaeilge chomh fada siar le mí na Samhna 1817, más eisean an Seán Ó Duinn a scríobh a ainm an mhí sin ar an gcóip den leabhar *Suim Bhunudhasach an Teaguisg Chriosdaidhe* (1663) atá san Acadamh Ríoga.<sup>2566</sup> Bhí scoil lae á teagasc aige chomh luath le tús na bliana 1823;<sup>2567</sup> agus ceapadh é ina mháistir leis an *Irish Society* ar an 7 Márta 1823 (de Brún 2009: 224). Ba bhisiúil an chéad chúpla mí a chaith sé ag teagasc sa dúiche, rud a thaispeántar i dtuairisc a scríobh William Connor ar an 28 Samhain 1823. Foilsíodh an cuntas seo ar na *Quarterly Extracts* i mí Eanáir 1824, agus tá athchló air in de Brún (2009: 502),

Nov. 28. [1823] – Went to Monck-newtown [Monknewtown, Co. Meath], and saw J[ohn] D[unne]. I examined some of his pupils, who read and translated the Irish Scriptures. The number of his Irish scholars is very fluctuating – he has between twelve and fourteen in his School. He has, however, taught about sixty persons all round to read Irish, and they have the Scriptures in their hands – such of them as I met, I examined, and found them expert in reading.

De réir *Thuarascáil* 1824, 748-9, bhí sé ag múineadh scoile faoi stiúir an chumainn i ‘Mount Newton’ .i. ‘Monknewtown’ nó Baile Nua na Manach, Co. na Mí, ó cheart. Más fíor don tuairisc a thugann leabhair miontuairiscí an *Irish Society* dúinn air, caithfidh sé gur scar sé leo, nó gur tugadh an bóthar dó, thart ar an 17 Bealtaine 1824, nó díoladh leis as a chuid seirbhísí i mí Lúnasa 1824 suas go dtí an lá sin amháin (de Brún 2009: 224). Tugtar a ainm, agus a ionad cónaithe faoin míltriú céanna, ‘Mount Newtown’, sa liosta síntiúsóirí a priontáladh in *Man’s Final End* (1824); féach de Brún (2009: 225). Lean Seán air ag grafadh lámhscríbhinní tar éis dó scaradh leis an *Irish Society*; scríobhadh cuid de ARÉ 23O54 (1363) i mBaile Nua na Manach sa

<sup>2566</sup> Déantar tagairt don chóip áirithe seo, ARÉ SR/12/A/27, faoin mbliain 1663 sa *Chlóliosta*, ach ní fhaca mé féin í. Deirtear gur shínigh Seán Ó Duinn í an 6 Samhain 1817.

<sup>2567</sup> Ag seo briathra an leabhair miontuairiscí, an 31 Eanáir 1823, de réir mar a thugtar iad in de Brún (2009: 224): ‘Usual queries to be sent to John Dunn through Lady Florence Balfour [Townley Hall, par. Tullyallen, Co. Louth], with the information that he cannot expect payments for daily school, but if properly recommended he will be paid as Sunday schoolmaster from 14 Oct. [1822]’.

bhliain 1827, agus scríobhadh an chuid deiridh di idir na blianta 1842 agus 1843. Bhí sé ag teagasc ar ioncam bliantúil de £16 san áit chéanna nuair a tiomsaíodh

*Tuarascáil* 1834, 156a, áit ar chaith sé an chuid eile dá shaol, go bhfios dúinn.

Bhí aithne aige, dhealródh sé, ar chúpla ball den chumann gaelach a cuireadh ar bun i nDroichead Átha sna 1840í, agus léiríonn litir a scríobh Michael Levins, fear gnó ó Dhroichead Átha, ar an 14 Lúnasa 1843, go raibh cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ i gcnuasach lámhscríbhinní Sheáin. Tugann Michael Levins cuid mhaith eolais eile dúinn ar chúinsí an scríobhaí faoin am seo,

The Revd. Mr. Burke intends shortly to hold an Irish bardic festival. The enclosed is a copy of some lines that Mr. John Dunne, a schoolmaster who lives within four miles of this, has composed for the occasion. He has a copy of Keating’s Ireland in Manuscript, with the addition of three Oghams, with instructions for reading them. He has also copies of several poems, songs and Irish herbal cures. He is 70 years of age, without any family. He might be induced to dispose of Keating etc. I advised [him] to do so. Should you have any desire to see him at your next visit to Drogheda I shall feel happy to introduce you to him and I remain sir,

Yr. Obt. Serv.

Michael Levins.<sup>2568</sup>

Is doiligh aon eolas eile a fháil i dtaobh an chnuasaigh lámhscríbhinní a bhí ag Seán, ach dhealródh sé go raibh LN G200 (*b*), lámhscríbhinn a ghráf Pádraig Ó

Gallóglaigh (*q.v.*) idir na blianta 1822 agus 1823, i gcnuasach Sheáin, nó go bhfuair sé tamall di, óir tá cuid den ábhar céanna sa lámhscríbhinn seo agus in ARÉ 23054 (1363) araon, téacsanna nach bhfuil fáil orthu áit eile, go bhfios dom. Fuair Seán cuid de théacs na cainte a bhí le tabhairt aige ag Féile na gCruitirí i nDroichead Átha

---

<sup>2568</sup> LN G702(4). Gheofar cóipeanna den lámhscríbhinn agus den ábhar a ghabhann léi—litir ó Michael Levins agus aitheasc a thug Seán ar son athbheochan na teanga i nDroichead Átha, 1843—in Ó Mórdha (1958c: 166-8) agus in Ó Buachalla (1968: 115-16, 291-2). Tugaim leagan den aitheasc mar chuid den chuntas seo fosta. Tá istigh leis seo cóip de dhán eile dá chuid, féach nóta 2571, dán (*b*) thíos.



in 1843 i nóta a bhreac Nioclás Ó Cearnaigh ar LN G200 (b),<sup>2569</sup> mar a thuigfí ón gcóip den chaint sin atá istigh le litir Michael Levins,

A dhearbhrathare dílis agus a chomhthiorthaibh ionmhuinn,  
'se thuigim agus mheasam gurb e is fáth don c[h]omhthional so aig an Athair maith Burc aniu: chum teanga bhlasda mhilis *ar mathara* ⁊ *ar tíre* .i. an Ghaoidhlig, do chuim[h]neadh a labhart agus a sinm anso aniu. Agus mur dubhart an tAthair Paúl: 'si an Ghaoidhlig teanga is milse blas, is deise luidhe ⁊ is fearr tuitim da bhfuil ansa domhan. Agus í air marrthainn o thionsgain Feinius Farsaigh an chead sgoil do c[h]uir 'na suidhe *air M[h]agh Seanar* gus aniu—agus feadam a radh go firinneach gurb í teangaidh *ar sinsir* ⁊ *ar tíre* í do reir na sampla chuirfíom síos anso ó *udar* maith *barantamhla*, Dochtúr Céitín, mur deir gur Gaoidhlig do labhair gach aicme da ttainic a nÉirinn *air* ttus; ... agus measam da reir sin gurb í an Ghaoidhlig is mo bhi *air* marrthainn *air feadh* an domhain go hiomlan fan am sin, agus ta si *air* marrthainn a nÉirinn o s[h]in a leith. Sa nGaoidhlig do scriobha(i)dh gach r[e]acht agus nós da ccriochnadh uaisle Eirionn a ccomhdhail na Teamhra, agus a labhradh gach ardrigh da raibh *ar Eirinn*—no go bhfuair right[h]e Shacson *uachtranacht* ⁊ treise orrthadh, ⁊ ní le neart láimhe no lánne fuaireadar sin, *acht* le bríbeachas, *treatarecht*, agus gach miosgais da mb'[fh]eidir a thion[s]gaint, agus gur chuir siad faoi níos mo sglabhaid[h]eacht iad no bhi Clann Israel faoi Shalmanasar, no an cine Iúdaidhe faoi Nabuchodonosar *ar* mhodh nach raibh se ceadach faoi phein bais, *priosunteacht* no dibeartha, an G[h]aoidhlig do *theagas* aig oide leig[h]inn *ar* bith *ar* mhodh gur shaoileadar a muchadh go huile; *acht* glóir do Dhía go b[h]fuil spré beag di beó cinnte lena fadogh airis; agus 'se mheasam trath bhios *air* ccomhdhail a nÉirinn aguinn go mbiadh an Ghaoidhlig dha teagas agus da labhart comh coitcheanna agus bhi si roimhe. An modh ar cóir an Ghaoidhlig do labhart. Is coir a labhart go sárchhasda, sárblasda, binngothach, búang[h]lorach, sáimh, súairc, milis, mur bhiodh si leághadh an do bhéul. ...<sup>2570</sup>

Léifí cuid mhaith de dhóchas na gluaiseachta *Repeal* ar an méid sin, gluaiseacht a bhí faoi lán seoil an uair sin; agus má thug Seán toil mhór d'athbheoú na teanga, níorbh fháidh é. Bhí féith na filíochta ann, dealraíonn sé, agus tá iarrachtaí eile dá chuid againn. Chum sé cúpla dán a bhfuil dhá cheann acu ar caomhnú go fóill ina

<sup>2569</sup> Cuir an t-aitheasc seo—atá istigh le litir Michael Levins, LN G702(4), agus a foilsíodh cheana (féach nóta 2568 thuas)—i gcomparáid leis an sliocht as LN G200 (b), lch 49, a cuireadh i bprionta san *N.L.I. Cat.*, v, 86.

<sup>2570</sup> LN G702(4).

láimh féin,<sup>2571</sup> agus déantar tagairt do cheann eile a cheap sé, ‘Agallamh Sheán Ó Duinn agus Whiskey’ i bpáipéir Bhriain Uí Thomaltaigh.<sup>2572</sup> Ní heol dom goidé a bhain dó i ndiaidh na bliana 1843. Bhí an dá scríbhinn seo, ARÉ 23O54 (1363) agus LN G200 (b), i gcnuasach leabhar Roibeard Mhic Ádhaimh sa bhliain 1852, ar a dhéanaí.<sup>2573</sup> Diomaite de gur tuigeadh d’Ó Mórdha (2004: 80) go bhfuair scríobhaí Gaeilge ar a dtugann sé ‘Seán Ó Duíais’ [*sic*] ó Bhaile Nua na Manach bás thart faoin mbliain 1860, ní féidir liom meabhair a bhaint as an dáta seo de cheal foinse eolais. Ní luaitear Seán Ó Duinn ar bith faoi Bhaile Nua na Manach i *Luacháil Griffith* (1854).

<sup>2571</sup> Is iad seo an dá dhán a tháinig anuas chugainn:

(a) ‘Agalladh Shean O Duinn agus Paidigh Mhic Eachaidh’, ‘*Phaidigh Mhic Eachaidh mo dhith*. Cóp—ARÉ 23O54 (1363), lch 73. Cuntas Sheáin air—‘What caus’d the above Dialogue was Mahee did not perform his promise to meet John Dunne at a certain place, and that he would have with him an Iris\h/ Manuscript to assist him in reading it’, ARÉ 23O54 (1363), lch 74. Luaitear an dán i gclár lámhscríbhinní Bhriain Uí Thomaltaigh (1840), ARÉ 3C4i (a) (1018), ff. 38-9, mír 106: ‘Agalladh Sean O Duinn agus Paidigh Ó Atchad [*sic*]’ le ‘Sean O Duinn’. Maidir leis an gclár, féach nóta 3571 thíos. Sealbhóir lámhscríbhinní ab ea Paidí, agus bhí sé nasctha leis an *Irish Society* idir 1824 agus 1827, ar a laghad (de Brún 2009: 366). Bhreac Peadar Ó Gealacáin cóip de ‘Laoi an Chonlaoich’ ‘from Patt Magee’s copy’, C Add. 6563 (42), f. 53v (lch 148 tráth) am éigin tar éis an 19 Nollaig 1827 (féach f. 50v (lch 136 tráth)). Is dóigh le Pádraig de Brún gurb ionann an máistir scoile agus an té a luaitear i nóta Pheadair Uí Ghealacáin.

(b) *An achmhúinne* [= *athchuinghe*] *d’iarr tu a chomhlionadh ni fheadam*. ‘Aig so freagra chuir Sean O Duinn ’aig Seamus O Debhlin, [*i gcrostagairt in imeall an leathanaigh: fear dheanta cluig 7 faire na n-úaireann*] air mbeith do Sheamus da iarraidh *air* cuairt go Currach Bhaile Áth-Ríagh’. Cóp—LN G702(4), istigh leis an litir ó Michael Levins a luadh i nóta 2568 thuas. I gcló in Ó Mórdha (1958c: 166-8), agus in Ó Buachalla (1968: 291-2), maille le heagrán de in Ó Buachalla (1968: 116), agus sliocht as in Ní Mhunghaile (2014: 116), srl. An ‘Gearóid’ a luaitear sa dán, tugtar cuntas ar an scéal béaloidis is údar leis an tagairt seo in MacIvor (1958); tugtar sliocht as dán Sheáin Uí Dhuinn ag MacIvor (1958: 73-4). Is é Séamus Ó Teibhlin an file dátheangach James Tevlin (1798-1873) ó Cho. na Mí, a bhfuil trácht déanta air cheana—agus ar a bhfuil againn dá chuid dánta Gaeilge—in Laoide (1914: 25-7), agus in Ó Muirgheasa (1915: 184, 306; 1933: 159-62; 2015: 268-73, 311), srl.

<sup>2572</sup> ARÉ 3C4i (a) (1018), ff. 38-9v, clár lámhscríbhinní Bhriain Uí Thomaltaigh, 1840, mír 107, ‘Agall: Sean O Duinn agus Whiskey’. Ní féidir liom teacht ar chóip de.

<sup>2573</sup> Is dóigh gur cóipeáladh cuid mhaith de ARÉ 23O54 (1363) as LN G200 (b). Rinne Peadar Ó Gealacáin cuid mhaith obair chláraithe do Roibeard Mac Ádhaimh roimh an mbliain 1852 [? sa bhliain 1851], agus tá dea-chóip de chuid de na catalóga seo i bpeannaireacht Roibeard Mhic Ádhaimh in LPBF 20. Lámhscríbhinn E in LPBF 20 = ARÉ 23O54 (1363) agus G = LN G200 (b). Tá cóip den chatalóg a scríobh Peadar Ó Gealacáin ar ARÉ 23O54 (1363) laistigh dá clúdach tosaigh. Tugtar tuilleadh eolais ar na catalóga seo in Agusín 15.

2.161. Pádraig Ó Faircheallaigh,<sup>2574</sup> c.1795-1867

[Patt Farrelly]

SPB 1. Tráchtas gramadaí, dánta le Séamus Mac Cuarta, ‘Cáineadh Whaley’,  
laoithe fiannaíochta. 1811.<sup>2575</sup>

Rinneadh plé ar an lámhscríbhinn seo den chéad uair in alt a foilsíodh in *Irisleabhar na Gaedhilge* mar chuid d’Fheis Laighean agus Midhe na bliana 1901 (Anon. 1901a: 187 col. a), agus deirtear ann gurbh é Pádraig ‘A Frielldh’ a scríobh í i Raifeanaigh,<sup>2576</sup> baile fearainn atá suite i bparóiste an Mhullaigh, Co. an Chabháin, sa bhliain 1811. Luaigh de Brún (1969: 561) an lámhscríbhinn ina chuntas siúd ar lámhscríbhinní Bhréifne nuair a bhí sí ar iarraidh, agus tháinig sé uirthi agus ar lámhscríbhinn eile, SPB 2, i measc pháipéir ghariníon an scríobhaí, dealraíonn sé: an scoláire Gaeilge, gníomhaí, agus scríbhneoir mór le rá sin, Úna Ní Fhaircheallaigh (1874-1951).<sup>2577</sup> Tógadh Úna sa bhaile fearainn céanna; iníon le scológ shaibhir,

---

<sup>2574</sup> Tugann sé ‘P(h)adrig a Frielldh’ (lch 26) air féin sa lámhscríbhinn. Féach fosta an dóigh a litríodh Peadar Ó Gealacáin an sloinne ina chuid lámhscríbhinní, *Úa Fríallaigh, Ní Fhríallaigh*, DE Gen. 43D, lgh 417, 615.

<sup>2575</sup> Cuireadh breiseanna le SPB 1 sna blianta 1825-7, 1831 (de Brún 1972a: 430), ach ní féidir a bheith cinnte gurbh é Pádraig Ó Faircheallaigh é féin a scríobh iad uilig.

<sup>2576</sup> Seo caint an eagarthóra anaithnid [? Seosamh Laoide, b’fhéidir] i dtaobh na lámhscríbhinne: ‘The above poem is from a MS. written at Raffenny, near Virginia Co. Cavan, in 1811, by Pádraig Ó Faircheallaigh, or Patrick O’Farrelly, who writes his name twice as Padrig a Frielldh in the body of the MS. itself. . . . The present owners of this MS. are the grandchildren of the writer of it’. Thug Pádraig de Brún (1972a: 426-7) faoi deara nach luaitear Raifeanaigh i gcolafon ar bith sa lámhscríbhinn, agus go gcaithfidh sé go bhfuarthas an t-eolas seo ón teaghlach féin sa bhliain 1901. Is luachmhar an píosa eolais é, óir léiríonn sé gur chreid muintir an scríobhaí féin go gcónaíodh sé i Raifeanaigh.

<sup>2577</sup> Gheofar plé thar a bheith mion ar bheatha agus ar shaothar Úna Ní Fhaircheallaigh in Uí Mhéalóid (1998), áit a bhfuil neart eolais bailithe le chéile aici ó fhoinsí béil, ó thaifid riaracháin, agus eile ar an teaghlach seo. Rinneadh plé ar Úna Ní Fhaircheallaigh fosta in Mac Giolla Phádraig (1956) agus in *Beath*. 1882-1982, 1, 69 col. a – 70 col. b. Is aisteach an rud é nár díoladh an dá lámhscríbhinn seo, SPB 1 agus SPB 2—a fuarthas i measc a cuid páipéar—leis na lámhscríbhinní eile a bhí ina cnuasach, MN B5 agus MN B9.

Is fiú aird a thabhairt ar nótaí Nic Congáil (2010: 39-40) ar an bpáirt a bhí ag Úna Ní Fhaircheallaigh le Pádraig Ó Faircheallaigh: ‘Cé go raibh gaol idir Pádraig Ó Faircheallaigh agus Agnes Farrelly, níorbh é a seanathair é, mar atá tugtha le fios ag taighdeoirí áirithe’ (Nic Congáil 2010: 39-40), agus déanann sí tagairt siar do de Brún (1969: 561). Is é seo an t-eolas a thugann de Brún (1969: 561):

... one written ‘at Raffenny, near Virginia, Co. Cavan in 1811, by Pádraig Ó Faircheallaigh . . . who writes his name twice as Padrig A Frielldh . . .’ [= Anon. (1901a: 186-7)] This last manuscript was said in 1901 to be owned by ‘the grandchildren of the writer of it’. One of these was the Irish scholar and writer, Professor Agnes O’Farrelly (Úna Ní Fhaircheallaigh)...

Peter Dominic Farrelly (c.1825-1896),<sup>2578</sup> agus le Anne Sheridan, duine de mhuintir Sheridan ón Seanchaisleán, Co. na Mí, a bhí inti. Pósadh tuismitheoirí Úna ar an 30 Samhain 1863, agus rugadh naonúr dóibh.<sup>2579</sup>

Bhí beirt mháistrí Gaeilge darbh ainm Patrick Farrelly fostaithe ag an *Irish Society* i ndúiche Dhún an Rí idir 1824 agus 1829,<sup>2580</sup> ach is doiligh duine acu thar an duine eile a cheangal leis an scríobhaí seo, mar gheall ar a mhinice a chastar le daoine dar sloinne sin i dtaifid ón 19ú hAois a bhaineann le deisceart Cho. an Chabháin. Is

---

Deir de Brún (1972a: 426), sa chuntas a scríobh sé ar SPB 1, gur ‘one of the grandchildren’ í Úna Ní Fhaircheallaigh. Ar an ábhar go ndearna Nic Congáil (2010) mórán taighde ar shaol Úna Ní Fhaircheallaigh, ní féidir droim láimhe a thabhairt dá bhfuil scríofa aici i dtaobh na páirte a bhí ag Úna leis an scríobhaí, ach ní fheicim goidé an t-ábhar nach nglacfaí leis gur mhac le Pádraig Ó Faircheallaigh é Peter Farrelly (c.1825-1896), ó tharla go bhfuair sé seilbh ar chuid mhaith de thailte Phádraig tar éis a bháis in 1867. Rud eile, cuireann Nic Congáil (2010: 36) an dáta breithe 1827 síos do Peter Farrelly, ach ní fios dom cá bhfuair sí an t-eolas seo. Tá taighde fós le déanamh ar an gceist seo.

<sup>2578</sup> Ba ar an aois a tugadh ar a theastas báis (71 bhliain) a bunaíodh an dáta breithe seo. Cláraíodh an teastas seo ar an 13 Meitheamh 1896 in Aontas Choill an Chollaigh (OAC, Clárúimhir: 4113949); deirtear ann go raibh Peter Farrelly pósta (.i. go raibh a bhean fós beo), rud a théann le cuntas Uí Mhéalóid (1998), nuair a cailleadh é an 29 Bealtaine 1896 i Raifeanaigh, Co. an Chabháin. Peter E. Farrelly, mac leis, a thug an t-eolas. Níl cláir baistí ar fáil do pharóiste an Mhullaigh go dtí a bhliain 1842, agus tá iontráil a phósta le Anne Sheridan (1863) istigh le taifid pharóiste an tSeanchaisleán, Co. na Mí, mar a raibh cónaí uirthi (Uí Mhéalóid 1998: 847 n.32). An tiomna a d’fhág sé ina dhiaidh, tugtar cuntas air sa *Calendar of Wills and Administrations, Wills & Administrations*, 1897, lch 135, FARRELLY Peter [13]. 4 February. The Will of Peter Farrelly late of Raffoney County Cavan Farmer who died 29 May 1896 was proved at Cavan by Mathias Farrelly of Raffoney and Terence Sheridan of Fortfield House Oldcastle County Meath Farmers Executors. Effects £1,548 4s. 2d.

Chuir mé lánstadanna leis an sliocht seo lena dhéanamh soléite, agus fuair mé réidh leis an gcló trom a bhí ar an mbuntéacs i gcúpla áit. Tá cóip den tiomna sa Chartlann Náisiúnta, agus tá plé air in Uí Mhéalóid (1998: 845, 847).

<sup>2579</sup> Tugadh cuntas fada ar na páistí seo—Mary Farrelly (1864-1888), Brigid Farrelly (1866–), Margaret Farrelly (1868–), Anna Maria Farrelly (1869–), Patrick Dominic Farrelly (1870–), Peter Edward Farrelly (1872–), Agnes Mary Winifrede (O’)Farrelly .i. Úna (1874-1951), Eliza Mary (O’)Farrelly .i. Lily (1876–), agus Alphonsus Farrelly (1877–)—in Uí Mhéalóid (1998: 841-5), agus cuid mhaith de bunaithe ar thaifid an pharóiste agus ar thraidisiúin áitiúla.

<sup>2580</sup> Luann de Brún (2009: 239-40) gur tugadh airgead do bheirt darbh ainm sin cúpla uair sna rollaí pá, agus gur cuireadh an t-ainm sin le rúin Dhún an Rí faoi dhó ar an 5 Meán Fómhair 1827. Seo na híocaíochtaí a luann sé (mise atá freagrach as cibé locht atá ar an leagan amach anseo):

Samhain 1824	£1.0.0	Bealtaine 1826	£1.10.0
Feabhra 1825	£1.2.6	Lúnasa 1826*	£2.0.0
Bealtaine 1825	£1.5.0	Samhain 1826	£1.7.6 agus £5.0.0
Lúnasa 1825	£1.5.0	Feabhra 1827	— agus £5.0.0
Samhain 1825	£1.5.0 agus £ 5.0.0	Bealtaine 1827	£0.13.6 agus £5.0.0
Feabhra 1826	—		

\*Is féidir gur tugadh airgead síos dó; féach ‘per Michael Farrelly’ maidir le híocaíocht mhí na Samhna 1826.

De bhreis ar an méid seo, luaitear go raibh Patrick Farrelly ar choiste ceapachán an *Irish Society* sa bhliain 1827, agus go raibh Patrick Farrelly (eile, b’fhéidir) ina chigire ag amanna éagsúla idir 1827 agus 1829. D’fhéadfadh sé gurbh eisean an té a d’fhaigheadh £5.0.0 gach ráithe, beagnach, ó mhí na Samhna 1826 ar aghaidh, agus gur ghnáthmháistir a bhí sa duine eile.

féidir gurb é Pádraig an bailitheoir lámhscríbhinní, an ‘P. Farrelly’ sin ag a raibh ARE 23A10 (960) tráth; bhí sí á léamh ag Proinsias Ó Briain ‘es Cillannaigh’ sa bhliain 1840.<sup>2581</sup>

Cé nach ndeirtear áit ar bith sa lámhscríbhinn féin gur grafadh í i Raifeanaigh, mar a luadh cheana,<sup>2582</sup> níl aon amhras go raibh muintir Fhaircheallaigh ann le fada an lá, agus is dóigh go raibh clann Phádraig agus a mhná (nach fios dúinn cérbh í), tagtha ar an saol faoin mbliain 1840. Chonaic muid cheana gur rugadh Peter Farrelly, athair Úna Ní Fhaircheallaigh, tuairim na bliana 1825, agus gur phós sé Anne Sheridan sa bhliain 1863. Pósadh, ‘Margaret Farrelly, the youngest daughter of Patrick Farrelly of Raffoney’ i Séipéal San Cilléin, An Mullach, le John O’Reilly ar an 28 Iúil 1863.<sup>2583</sup> Léirigh Uí Mhéalóid (1998: 845), tríd an *1876 Landowners’ List* a scrúdú, go raibh 179 n-acra i seilbh Peter Farrelly in Enagh,<sup>2584</sup> baile fearainn atá i bparóiste an Mhullaigh, agus nach bhfuil rófhada ó Raifeanaigh. Tá cuid mhaith teaghlach liostaithe faoin mbaile fearainn céanna i *Luacháil Griffith* (1856) a bhí ag glacadh tithe ar cíos ó Patrick Farrelly éigin ag a raibh tailte i bhfeó sa bhaile fearainn seo. Dealraíonn sé, áfach, nach raibh cónaí ar an Patrick Farrelly seo in Enagh, óir ní luaitear é a bheith ina áititheoir ar theach ann; is dóigh, ar an mbonn sin, go bhfuil sé le ceangal leis an Patrick Farrelly a bhí ina áititheoir i Raifeanaigh. Thig linn an duine seo a cheangal leis an scríobhaí gan dua, tharla gur aistríodh na tailte in Enagh go Peter Farrelly idir 1856 agus 1876. De bhreis ar an méid sin, tá dearbhú againn go bhfuair Patrick Farrelly ó Raifeanaigh, an scríobhaí gan amhras, bás ann ar an 14 Bealtaine 1867 in aois a 72 bhliain. Chláraigh [a mhac] Peter Farrelly ó Raifeanaigh

---

<sup>2581</sup> Féach nóta 2476.

<sup>2582</sup> Féach nóta 2576 thuas.

<sup>2583</sup> *Freeman’s Journal*, an 12 Lúnasa 1863.

<sup>2584</sup> Tá an fhaisnéis tánaí go leor, agus is féidir go bhfuil \*An tAonach nó \*An tEanach i gceist. B’fhéarr dul leis an leagan Béarla, mar sin.

an teastas.<sup>2585</sup> Galar sé mhí de chuid na faireoige próstataí ba shiocair lena bhás, agus d'fhág sé baintreach ina dhiaidh.

**2.162. Muiris Ó Fearghail, ob.1771**

[Mau: Ferrall]

**LN G30.** Graiméar Gaeilge, noda agus giorrúcháin, aibítir na hEabhraise, na hAraibise, na dteangacha Caildéacha, na Gréigise, foclóir Béarla-Gaeilge, an teagasc Críostaí. Coláiste San Seoirse, Alcalá, An Spáinn 1735.

Bhailigh Nessa Ní Shéaghdha roinnt sonraí ar an scríobhaí seo le linn dí a bheith ag gabháil do LN G30 a chlárú san *N.L.I. Cat.*, ii, 32-4, nótaí a chuir sí i gcló athuair i gcuntas a scríobh sí ar fhoclóir cráifeach atá sa lámhscríbhinn, in Ní Shéaghdha (1963).

Luann sí gur ‘c[h]oláistíneach’ i gColáiste San Seoirse, Alcalá, in 1735 é an tAth.

Muiris Ó Fearghail, nuair a ghráf sé LN G30; agus tá tagairt do ‘D<sup>ni</sup> Maurizio Ferral’ san Archiva General de Semancas<sup>2586</sup> faoin mbliain chéanna, 1735, nuair a lorg an reachtaire, Michael O’Gara, *Viatica* ar a shon agus ar son beirte eile (Ní Shéaghdha 1963: 27). Ghráf scríobhaí darbh ainm Uilliam Ó Fearghail (*fl.*1725-35) ARÉ 2314 (1198) i gcoláiste a bhí á reáchtáil ag Muiris Ó Fearghail éigin i gCo. na hIarmhí, agus dhealródh sé go bhféadfadh sé gurb é scríobhaí LN G30 atá i gceist anseo. Is dóigh le Ní Shéaghdha gur fhill Muiris ar Éirinn sa bhliain 1735 agus gur bhunaigh sé an coláiste a luaitear sa cholafon in ARÉ 2314 (1198) ansin, ach rinneadh cúpla léamh éagsúil ar dháta scríofa an nóta sin. Léigh Ní Shéaghdha (1963: 127) 1735 ar

---

<sup>2585</sup> *OAC*, Cláruimhir: 1867, Ráithe 2, Iml. 7, lch 275. B’ole an nós imeachta a bhí ag formhór na gléraitheoirí go dtí c.1880 gan ach ‘occupier’ a thabhairt ar an duine a chláraigh an teastas má bhí sé in aontíos leis an marbhán, mar a rinneadh anseo, ar nós cuma liom cén pháirt a bhí aige leis. Is é mac Phádraig, Peter Farrelly, athair Úna Ní Fhaircheallaigh, atá i gceist, ar ndóigh.

<sup>2586</sup> Archiva General de Semancas, Hacienda: Viaticos, Legajo 966.

an gcolafon, agus tugann Ó Fágáin (1985: 102) agus Pól Breathnach<sup>2587</sup> beirt 1745.

Léigh Ó Domhnaill (1930: 47) agus Kathleen Mulchrone,<sup>2588</sup> agus taobháim leo, an 30 Iúil 1725 anseo,

*Arna sgríobhadh le Uilliam Ó Fearghaoile an deicheadh la fithchiod don mhí Iuli an bhliaghain d’Aois an Tighearna míle 7 seacht gcéad ar 25 a gCoilaiste Mhuiris I Fearghaoile a tTobarchuill a bpuraiste Thumonn i [g]Connde Mhuilleann Ghearr.<sup>2589</sup>*

Níl aon eolas eile againn i dtaobh an choláiste seo, ach an méid a thugtar sa cholafon sin, agus más é an duine céanna an Muiris a bhí ina mháistir ann, agus an sagart (D<sup>n</sup> Maurizio Ferral) a bhí sa Spáinn deich mbliana ina dhiaidh sin, is dóigh gur dhruid sé an scoil le dul chuig an Mór-Roinn. Ní fios dúinn gur fhill sé ar Cho. na hIarmhí riamh, ach bhí LN G30 fós idir lámha ag Muiris sa bhliain 1744.<sup>2590</sup>

Áiríodh cléireach darbh ainm Maurice Ferral i measc na ‘popish persons exercising ... ecclesiastical jurisdiction within the County of Longford’ an tráth ar scríobh James West, Ard-Sirriam Chontae an Longfoirt, a thuairisc chuig an Rialtas an 10 Márta 174<sup>3</sup>/<sub>4</sub> (Burke 1914: 335-6).<sup>2591</sup> Tugtar le fios inti go raibh an cléireach sin lonnaithe in ‘Ballymalion’ [*recte* Baile Uí Mhatháin, ‘Ballymahon’] mar ‘vicar of the parish of Shrewle’, áit ar fhan sé go deireadh a shaoil. Fógraíodh a bhás ar *Pue’s Occurrences* ar an 30 Márta 1771,

Died, the Rev. Mr Maurice Ferral of Ballymahon, a man of unblemished character and regretted by all his acquaintances.<sup>2592</sup>

---

<sup>2587</sup> Féach alt Phóil Bhreathnaigh, ‘To a Herring’, *An Claidheamh Soluis*, an 5 Feabhra 1916, áit a bhfuil an colafon i gcló aige, agus ‘45’ aige áit a bhfuil ‘25’ i mo cheann thuas.

<sup>2588</sup> *R.I.A. Cat.*, 3242.

<sup>2589</sup> ARÉ 23I4 (1185), lch 115. Síleann Ó Fágáin (1985: 104) gur dheartháireacha iad Muiris Ó Fearghail agus Uilliam Ó Fearghail, ach níor tháinig aon rud i mo threo a dheimhneodh sin.

<sup>2590</sup> LN G30, lch 154, ‘Ulick Bourk a tinker by trade and pretends to write the Irish stole a printed Irish grammar from me. Ano Dmi. 1744. Mau. Ferral’.

<sup>2591</sup> Luaitear an tagairt sin san *N.L.I. Cat.*, ii, 32-3, agus arís in Ní Shéaghda (1963: 127). Ba leasc le hÓ Fágáin (1985: 104) glacadh leis gurbh é an sagart seo an scríobhaí, agus is fiú a lua nach bhfuil Baile Uí Mhatháin i nDeoise na Mí, murab ionann agus Tigh Munna.

<sup>2592</sup> Brady (1953: 142).

## 2.163. Séamus Lom Ó Fearghail [1], fl.1703-18

**LB Eg. 133.** Cuid di. Dhá dhán, ceann acu le Seán Ó Neachtain, ‘Comhradh an Duine agus an Bháis’, ‘Agallamh an Anma agus an Choirp re Chéile’.

1711. Do *Dhonnchadh Mac Giolla Chrosáin*.<sup>2593</sup>

**LN G15.** Formhór di. ‘Lóchrann na gCreidmheach’. 1703.

Is sa dán a chum Tadhg Ó Neachtain am éigin idir na blianta 1727 agus 1729 ar scríobhaithe a choircail féin, *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn*, a fhaigheann muid an beagán eolais atá againn ar scríobhaí ó Cho. an Longfoirt darbh ainm Séamus Ó Fearghail:

Ó Fearghail, fa dheóigh, Séamus seang,  
a chrích Longphortach aird Éireann;  
bu saoi an searc san nGaoidhilg ngrinn;  
deire do mo shearc a shluinnim.<sup>2594</sup>

‘Semus Lom Ui Fhearghail Bháin’ (*tabh.*) a thugann an scríobhaí seo air féin i gcolafon amháin in LN G15,<sup>2595</sup> agus dhealródh sé gur scríobhaí measartha bisiúil é, óir d’éirigh leis an chéad chuid de ‘Lóchrann na gCreidmheach’ a chur de idir an 20 Meán Fómhair 1703 agus an 7 Deireadh Fómhair 1703.<sup>2596</sup> Más fíor sin, tá luaineacht áirithe sa pheannaireacht in LN G15, sa dóigh go dtagann feabhas ar chuid oibre Shéamuis Loim ó thús go deireadh an leabhair. Is maith tréan a chuid

<sup>2593</sup> Bhí an duine seo, cibé duine é, in ann Gaeilge a scríobh, óir ghráf sé codanna (ff. 30b-60, 187-201) de LB Eg. 133 dó féin sa bhliain 1711; féach an *B.M. Cat.*, ii, 36. Tá leagan den sloinne seo, Crosbie, bisiúil i dTuaisceart Laighean faoi láthair, ach is doiligh Donnchadh a cheangal leis an taobh seo tíre gan eolas eile a bheith againn. Cuireann an ceangal a bhí ag Séamus Lom Ó Fearghail [1] le Baile Átha Cliath, agus leis an ngréasán scríobhaithe ó cheantair dhifriúla, go mór leis an éiginnteacht, tharla go raibh an lámhscríbhinn sa chathair sin laistigh de thréimhse naoi mbliana tar éis don bheirt sin a gcodanna di a ghráfadh. An chuid eile, ba é Diarmaid Ó Conchubhair a scríobh í i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1720, ach do phátrún eile, Séamus mac Dhomhnaill Uí Mhuircheartaigh. Caithfidh sé go raibh codanna Shéamuis Loim agus Dhonnchaidh os a chomhair ag Diarmaid, óir chuir sé ábhar eile leis na ginealaigh atá i lámh Dhonnchaidh Mhic Giolla Chrosáin.

<sup>2594</sup> O’Rahilly (1913a: 160); Harrison (1988: 137).

<sup>2595</sup> Lch 168; tá cóip de san *N.L.I. Cat.*, ii, 2: ‘Ag so arna sgríobhadh go grinn re Semus Lom Ui Fhearghail Bháin [*sic*]’.

<sup>2596</sup> LN G15, lgh 2 (an 20 Meán Fómhair 1703), 168 (an 7 Deireadh Fómhair 1703).



peannaireachta in LB Eg. 133, a grafadh do Dhonnchadh Mac Giolla Chrosáin sa bhliain 1711, agus is féidir go bhfuil muid—ar an bpeannaireacht san iarracht seo— ag cur beirt scríobhaithe trína chéile anseo, scoláire amháin ar de mhuintir Fhearghail Bháin Cho. an Longfoirt é, agus a bhí beo sa bhliain 1703; agus, ar an taobh eile, graifneoir maith lámhscríbhinní a bhí bisiúil thart faoin mbliain 1711. Ar an ábhar go bhfuil an chuma ar chuid den scríbhneoireacht in LN G15 go raibh an scríobhaí fós ag forbairt a stíle peannaireachta an uair a ghráf sé í, is féidir gurbh eisean a ghráf LB Eg. 133 ocht mbliana ina dhiaidh sin. Bheinn sásta glacadh leis gurbh é an duine céanna a scríobh LN G15 agus LB Eg. 133. Thuigfí ó litir a scríobh Seon Mhac Solaidh chuig Risteard Tuibear<sup>2597</sup> go raibh sé beo agus i dteagmháil leo ag tús na bliana 1718:

Tabhair mo sheirbhís do G[h]earoid Mac Con Midhe ⁊ do Sheamus Ó Fearghail, ⁊ innis dóibh gur fada liom go bhfaicim gach ar gheall siad dhamh. C[h]uir mé saothar Mheic Cearchair chuca mar áon leis an litir so, ⁊ abhran bhriste na Boinne roimhe sin. Ma tá speis agad ionnta gheabhair ag Gearoid íad.<sup>2598</sup>

Is doiligh cur leis an eolas sin, agus ní féidir a bheith cinnte go raibh sé ina bheathanuair a chum Tadhg Ó Neachtain an dán thuas. B'fhéidir go dtuigfí óna chaint go raibh sé marbh faoin am sin. Más fíor sin, cailleadh é idir na blianta 1718 agus 1729.

---

<sup>2597</sup> Is ábhar spéise, mar sin, an nóta a scríobh Risteard Tuibear in LN G127, lch 322, ‘Séamus Ua Fearghail ro chum an dansa, ⁊ arna sgríobhadh le Riosdard Tuibear go núadh dibh, a thrachtas ar na láoch crodha do shliocht Ír ghlic mhear crodha. 1715’. Is léir nár chum Séamus Lom Ó Fearghail [1] (ná Séamus Ó Fearghail eile) ceann ar bith den dá théacs atá in aice leis an gcolafon sin, *Fan ráith imrid aicme Ír* a leagtar ar Ghofraidh Fionn Mac an Bhaird anseo (lch 316), agus *Láimh dhearg Eirinn [sic] Ibh Eathach* (lch 322) nach luaitear údar leis anseo. An é gur baineadh ceann de na téacsanna as lámhscríbhinn a scríobh Séamus Ó Fearghail éigin? Níl a fhios agam.

<sup>2598</sup> ARÉ 23M4 (332), lch 165. Tá an litir i gcló in Walsh (1933: 198-9), in Ó Cuív (1964-6: 196), agus sa chuntas ar Sheon Mhac Solaidh i gCaib. 2.102.

**ARÉ 23Q18 (573).** Cuid di.<sup>2599</sup> Cuid den ábhar seo: ‘Eachtra Thoroilbh mhic Stairn’, laoithe fiannaíochta, ‘Marthana Phádraig Naomhtha’, ‘Rann na Muice’ le Mícheál Ó Braonáin, ‘Críocha Déanacha an Duine’, urnaithe agus dánta cráifeacha, cuid acu le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, ‘Cáineadh Whaley’, ‘Cúirt an Mheánoíche’, ‘Briseadh Eachdhroma’, ‘Aithridh Sheáin de hÓra’, ‘Merlino Maligno’, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’, ‘Bodach an Chóta Lachtna’, ‘Eachtra Chlainn Thomáis mhic Lóbuis nó Táin Bó Geanainn’, ‘Riaghail Uí Dhubhagáin’, ‘Tuireamh na hÉireann’, nótaí ar an uimhir óir, leigheasanna ar ghalair, dán le ——— Mac an Bhaire, búrdúin agus dánfhocail. Baile Uí Mhatháin, An Longfort 1818.

**ARÉ 12F10 (890).** ‘Críocha Déanacha an Duine’, búrdúin agus dánfhocail, ceann acu le Brian Ó Ludhagh ó Bhaile Uí Mhatháin, ‘Comhradh an Bháis leis an Duine Tinn’, amhrán. 1800.<sup>2600</sup>

**ARÉ 3C4ii (1019).** Cuid di. Laoithe fiannaíochta, [‘Cáineadh Whaley’], búrdúin agus dánfhocail. 1808. Do *Christóir Aindreamha*.<sup>2601</sup>

**IA 2.** Dánta le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Seaghan de hÓra, ——— Mhac Gabhann (?), Aodh Buidhe [? Mac Cruitín], ‘Críocha Déanacha an Duine’, dánta ar ogham, ‘Comhradh an Bháis leis an Duine Tinn’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Tuireamh na hÉireann’, laoithe fiannaíochta, ‘Bruidhean Chéise Corainn’, ‘Briseadh Eachdhroma’, ‘Eachtra na Muice’, ‘Scéala an Scoláire

<sup>2599</sup> Féach fosta an plé a dhéantar ar ARÉ 23Q18 (573) i gcorp an chuntais seo. B’fhéidir gur chóir an lámhscríbhinn a bhaint den liosta, ach fágaim san áireamh í go ndéanfar cuid de na deacrachtaí a bhaineann léi a réiteach.

<sup>2600</sup> Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 2605, nár críochnaíodh an dáta, a thugtar uair amháin i bhfocail sa lámhscríbhinn, ach glacann Williams (1994: 449) leis gurb é 1800 an dáta ceart.

<sup>2601</sup> An scríobhaí a bhí faoi chaibidil againn i gCaib. 2.1 thuas.

Bhoicht’, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Dán an Bháis’, ‘Tuireamh na Páise’,  
achainí Denis McCarthy. Baile Uí Mhatháin, An Longfort 1835-6.

Is iad lámhscríbhinní Shéamuis Uí Fhearghail [2] an fhoinse eolais is fearr atá againn ar Ghaeilge dheisceart Cho. an Longfoirt, agus is beag eile atá ar eolas againn faoi, ach gur mháistir scoile é. Bhrúdh sé síos go trom ar an bpeann, agus bíonn an scríbhneoireacht an-dlúth aige go minic. Líonann sé a chuid scríbhinní le laoithe fiannaíochta, ARÉ 12F10 (890), mar shampla, a grafadh sa bhliain 1800, cé go bhfuil cúpla amhrán áitiúil aige nach bhfuil fáil orthu áit ar bith eile inti fosta.<sup>2602</sup> Ocht mbliana ina dhiaidh sin, thosaigh sé a scríobh cnuasach laoithe do Chríostóir Aindreamha (q.v.) ó Dhroichead Átha, ach scoir sé den scríobh, ar ábhar éigin, i mí na Bealtaine 1808 gan an saothar, ná fiú an téacs a bhí idir lámha aige, a chur i gcrích.<sup>2603</sup> Téann Séamus ó thuairisc ina dhiaidh sin ar feadh breis agus dosaen blianta; tagann sé aníos arís i miontuairiscí an *Irish Society* ar an 14 Deireadh Fómhair 1822, nuair a cinneadh ar a fhostú, ach amháin go seolfaí abhaile é nó go mbeadh folúntas ann dó. Tugadh post dó an mhí dár gcionn, ar an 15 Samhain 1822, mar mháistir scoile i gCaiseal, Co. an Longfoirt, scoil a aistríodh go Sruthail ar an 4 Iúil 1823. Díoladh leis suas go dtí an 16 Iúil 1824 (de Brún 2009: 409). Deich mbliana ina dhiaidh sin, bhí scoil á teagasc aige i bparóiste Mhaigh Dumha, Co. an Longfoirt, de réir *Thuarascáil* 1834,<sup>2604</sup> agus áit lárnach ag an Teagasc Críostaí Caitliceach i gcraclam na scoile. Insíonn Séamus dúinn go raibh sé sa seachtóú bliain dá aois nuair a thosaigh sé a scríobh IA 2<sup>2605</sup> ar an 1 Eanáir 1835, an lámh

---

<sup>2602</sup> Féach ARÉ 12F10 (890), lch 7, amhrán le Brian Ó Ludhagh; lch 34, ‘obhrán núghadh’. Dhealródh sé gur amhrán áitiúil fosta é siúd a thugtar in IA 2, lch 189.

<sup>2603</sup> Stadann sé i ndiaidh rann 14 de ‘Laoi Chab an Dosáin’ ar f. 107, agus tosaíonn Chríostóir Aindreamha é féin ar an téacs a scríobh go nua ar an duilleog chéanna.

<sup>2604</sup> Lch 100a.

<sup>2605</sup> Tá cosúlachtaí láidre idir ábhar na lámhscríbhinne seo agus ARÉ 3C4ii (1019), go fiú na gcodanna a scríobh Chríostóir Aindreamha é féin.

throm chéanna fós aige, agus an litriú luaineach go leor.<sup>2606</sup> Theip orm teacht ar eolas i dtaobh a bháis.

Meabhair ní féidir a bhaint as ARÉ 23Q18 (573), lámhscríbhinn a shínigh an Séamus Ó Fearghail [2] ó ‘B[h]allaighmhotháin’ seo againn i gcuid de na colafoin, agus tá an chuma air go bhfuil an lámhscríbhinn uilig scríofa i lámh a d’aithneofaí go réidh le script throm Shéamuis Uí Fhearghail [2] gan dua, murarbh é go luaitear Éamonn Ó hEarchadha,<sup>2607</sup> ó Bharraigh Bheag, Co. Ros Comáin, i gcuid mhaith colafon eile sa lámhscríbhinn. Cé go bhfuil cúpla difear sa script, ní mórán iad sa dóigh go gceapfaí go raibh malairt phinn nó cleite úr freagrach astu, murach na colafoin sin. Tá an fhadhb seo pléite cheana féin ag Mac Eney (1948-52), a bhain mar thátal as na blúirí spéisíúla eolais a bhailigh sé le chéile gur scríobh Éamonn Ó hEarchadha an lámhscríbhinn, agus gur chuir sé ainm Shéamuis Uí Fhearghail [2] léi i gcúpla áit toisc go raibh sé ag tarraingt ar ábhar a scríobh Brian Ó Fearghail ó Thírlicín. Tuigeadh do Mac Eney (1948-52) go raibh gaol ag Séamus Ó Fearghail [2] le Brian Ó Fearghail, agus gurbh in an ‘conradh’ a rinneadh eatarthu, go ligfeadh Séamus d’Éamonn an t-ábhar a chóipeáil, ach ainm Shéamuis a chur leis an obair. Is é an rud is fearr a thiocfadh linn a dhéanamh ar dtús sleachta as an argóint a dhéanann sé a thabhairt anseo,

RIA MS. 23Q18 [(573)] and pp. 55-130 of [ARÉ] 23M6 [(333)] were compiled by Éamonn Ó hEarchadha of “Bairighbheag,” a townland now called Barry Beg, in the parish of Kiltoom, near Athlone, Co. Roscommon. Ó hEarchadha spells the Irish version of his name variously and anglicises his description as “Edmond Hore” or “Edward Hoar” or “Little Berries.” ... A singular feature of [ARÉ] 23Q18 [(573)] is the inscription of two sets of signatures, or an alternative signature, to many pieces, one of Ó hEarchadha’s own and the other that of “Séamus Ó Fearroil,” ... *Laoi Chab an Diosain ón*

<sup>2606</sup> Mar a thug Williams (1994: 473) faoi deara. Féach fosta *An Claidheamh Soluis*, an 4 Feabhra 1911.

<sup>2607</sup> Seo an litriú a úsáideann Mac Eney (1948-52); baineann an scríobhaí féin úsáid as meascán mór foirmeacha, *Ó Horrochadh*, srl.

*gCéis Choirn* ... has its text preceded by *Liomsa Edhmon Ó Horrochodh* and followed by ... *air na sgríobhadh liomsa 6mus Ó Fearr<sup>ll</sup>* ...—Feb. 24th, 1818. In every case of this kind the handwriting of the two sets of signatures is identical and is in fact the handwriting of Ó hEarchadha. I could think of no explanation of this peculiar procedure until I found at the end of a version of *Táin Bó Geanainn* in [ARÉ] 23Q18 [(573)] four quatrains which I remembered to have seen in Brian Ó Fearghail's MS. [ARÉ] 23O35 [(55)], and on looking up the latter I found that the quatrains in question actually followed the same burlesque tale in that MS. The first quatrain gives the date of writing—1st Feb., 1774. ... Further comparison of the two MSS. established that a substantial portion of [ARÉ] 23Q18 [(573)] had been copied from [ARÉ] 23[O]35 [(55)], or from [Brian] Ó Fearghail's other MS., [ARÉ] 23E7 [(56)] ... I found that in one case, [ARÉ] 23Q18 [(573)], p. 81, a piece written, as usual, by Ó hEarchadha ended: *Críoch le Rann na Muice, liomsa 6mus Ó Fearraoil, as Baillaighmhothain* ... 1818. Here, then, we find Ó hEarchadha's *alias* located in Ballymoe, where Brian Ó Fearghail spent the last years of his life and died, as I surmise, in 1788-89 ... It is therefore probable that there was a longstanding connection of friendship or kinship between the Ó Fearghail and Ó hEarchadha families ... It is possible that Ó hEarchadha was responsible for "resurrecting" Ó Fearghail's manuscripts long after their compiler was dead ... They contain no reference to a James or Séamus O'Farrell, but on p. 149 of [ARÉ] 23E7 [(56)] there is the following letter (undated):

Dear James,

I expect to pay you on Sunday next. If you let the cow home this day I will be for ever obliged to you. I taugt (*sic*) to borrow it and could not.

Bryan Farrell.

This letter is not in the handwriting of Brian Ó Fearghail, the scribe, nor is the signature his. The "James" referred to may be the "Séamus Ó Fearroil" of [ARÉ] 23Q18 [(573)], with whom Ó hEarchadha apparently had an agreement to use his name in conjunction with his own in the manuscript which he was compiling, on condition that James gained him access to the old manuscript books of Brian Ó Fearghail. There is no evidence that either the Brian or James O'Farrell of the nineteenth century was a direct descendant of Brian Ó Fearghail the scribe. It may, however, be safely assumed that they were relatives of his.<sup>2608</sup>

Cé nach féidir liom faisnéis réitigh ar an bhfadhb seo a sholáthar, is fiú cúpla

meancóg ina chuntas a thabhairt chun solais. Rud beag ar dtús—ní hionann

'Ballaighmhotháin' agus an Ballymoe a luann Brian Ó Fearghail ach oiread: thig linn

<sup>2608</sup> Mac Enery (1948-52: 135-7).

a bheith measartha cinnte gurbh é Baile Uí Mhatháin, Co. an Longfoirt, a bhí i gceist aige anseo ar fhaisnéis na lámhscríbhinní eile. Nuair a scríobh Mac Enery an t-alt seo, níorbh fhios dó, dealraíonn sé, go raibh scríobhaí darbh ainm Séamus Ó Fearghail [2] ag saothrú leis i gCo. an Longfoirt, agus a bhain leis an nglúin chéanna scoláirí agus Éamonn Ó hEarchadha; agus ní féidir a áiteamh, dála an scéil, gurbh ainm cleite de chuid Éamoinn é Séamus Ó Fearghail [2] toisc go raibh máistir fostaithe faoin ainm sin ag an *Irish Society*. Rud eile, is ionann lámha na beirte sin, nó geall leis, ar fhaisnéis na lámhscríbhinní eile a scríobh siad. Ní théann sé le dea-chéill go raibh Éamonn ag déanamh obair chóipeála do Shéamus Ó Fearghail [2], ná go raibh socrú den chineál sin a luaigh Mac Enery i gceist, nó is ar éigean a scríobhfadh sé a ainm féin leath den am agus ainm Shéamuis taobh leis: d’fhan an lámhscríbhinn i seilbh mhuintir Earchadha tamall i ndiaidh a scríofa. Murarbh é Séamus Ó Fearghail [2] pátrún na lámhscríbhinne, cén fáth a gcuirfeadh sé d’oibleagáid ar Éamonn a ainm féin a chur léi? Caithfidh sé go bhfuil míniú eile ar an scéal. Thiocfadh don litir Bhéarla a chuir Mac Enery (1948-52) i gcló a bheith ag tagairt do Shéamus ar bith, ach fós féin is maith is féidir go raibh páirt éigin ag an scríobhaí seo againn le Brian Ó Fearghail, óir tá na cosúlachtaí ábhair céanna a d’aithin Mac Enery ar ARÉ 23Q18 (573) agus leabhair Bhriain Uí Fhearghail le sonrú ar lámhscríbhinní eile de chuid Shéamuis Uí Fhearghail [2], agus tá cuid mhaith den ábhar scríofa aige níos mó ná uair amháin. Tuairimíonn de Brún (2009: 409) gur féidir gurbh é Séamus Ó Fearghail [2] é féin scríobhaí ARÉ 23Q18 (573), ach is é a mheasaim féin go raibh lámh ag an mbeirt acu sa leabhar, ach nach éasca an dá lámh a aithint óna chéile mar gheall ar an bpeannaireacht. Is soiléir, a bhúí le halt Mac Enery, go bhfuil baint iontach láidir ag lámhscríbhinní Bhriain Uí Fhearghail, Éamoinn Uí Earchadha, Shéamuis Mhig Oireachtaigh, agus Shéamuis Uí Fhearghail [2] lena chéile.

## 2.165. Uilliam Ó Fearghail, fl.1725-35

**ARÉ 23I4 (1198).** Formhór di. Dánfhocail, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’, ‘Comhairle Mhic Clámha ó Achadh na Muileann’, dánta cráifeacha, cuid acu le hEoghan Ó Dubhthaigh, tráchtais ar shochair an Aifrinn, urnaithe, Teagasc Críostaí, ‘Do Chríocha Déanacha an Duine’ [= ‘Taispeánadh Naomh Póil’], sompladha diadha, giota d’aoir. Tobar Coill,<sup>2609</sup> Tigh Munna, Muileann gCearr, An Iarmhí 1725, 1735.<sup>2610</sup>

Bhreact Uilliam Ó Fearghail, nó ‘Liam’, mar a thugtar air áit amháin,<sup>2611</sup> cuid den leabhar seo, ar a laghad, ‘a gCoilaiste Mhuiris I F[h]earghaoile a tTobarchuill a bpuraiste Thumonn i [g]Connde Mhuilleann Ghearr’.<sup>2612</sup> Tá an pheannaireacht garbh tríthi, agus an chuma uirthi go deimhin go raibh cúpla duine eile ag scríobh i bpáirt leis.

## 2.166. Baothghalach Ó Fearghusa, fl.1655

**ARÉ 23A4 (469).** Cuid di. Ábhar leighis: tráchtais ar ghalar Phóil, agus ar ungaithe is ar phiollaí. Dún na nGall. 1655.

Is féidir go bhfuil sé le léamh ar an log a thugann Baothghalach Ó Fearghusa dúinn gur sa bhaile mór a rinne sé an scríobh, ach ní fios cérbh é Baothghalach é féin.

---

<sup>2609</sup> Sin ‘Toberaquill’ an lae inniu. Níl leagan Gaeilge faomhaithe de ar fáil, ach tugann Uilliam Ó Fearghail é féin ‘a tTobarchuill’ in ARÉ 23I4 (1198), lch 115. Is dóigh gurb é *Tobar Coill* an bunleagan Gaeilge.

<sup>2610</sup> Maidir leis an dáta 1725, a thugtar i gcolafon in ARÉ 23I4 (1198), lch 115, féach an cuntas ar Mhuiris Ó Fearghail i gCaib. 2.162.

<sup>2611</sup> ARÉ 23I4 (1198), lch 54.

<sup>2612</sup> ARÉ 23I4 (1198), lch 115.

**2.167. Séamus Ó Ficeallaigh, fl.1823-8**

[James Feely]

**LN G436.** ‘Críocha Déanacha an Duine’, teagasc Críostaí, dánta cráifeacha le Bonabhentura Ó hEodhasa, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, ‘D’Aosaibh ó Ádhamh go Noe ...’, [‘Dán Mhaoise’], dánta le hEoin Ó Gallchobhair, Gearalt Ó Cuilleáin, ——— Ó Domhnaill, Fiachra Mhac Bhrádaigh, Uilliam Óg Ó Dubhshláine, Pádraig Ó Díomasaigh, Brian Ó Ruairc, [Cathal Mag Ruaidhrí], ‘An Dá Aoine Órdha Dhéag’, ‘Tráchtadh ar Mherlínó’, ‘Tuireamh Sheáin Uí Chonaill’ [= ‘Tuireamh na hÉireann’], laoithe fiannaíochta, cuid de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, ‘Agallamh an Choirp agus an Anma’, ‘Marbhna Eoghain Mhic Dhiarmada’, ‘Fuatha Sheáin Éadroim’ [= ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’], ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, ‘Tairngre Amhlaobh Mhic Carrthaigh’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Aisling na Binne Boirbe’, ‘Geineamhain Gríoir’, codanna de ‘Foras Feasa air Éirinn’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Aoidheacht Mhurchadh na Cuintinne ... i dTigh Ghruig’, ‘Bruithean Chaorthainn’, mairgne ar Eoghan Ruadh Ó Néill, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Sailm na Marbh’. An Mátach, Ros Inbhir, Liatroim 1823-8.

De réir *Thuarascáil* 1824, 1250-1, bhí James Feehally áirithe ag teagasc agus ag léamh na Scrioptúr i mbothán a bhí ‘in ruins’ sa Learga, Cill Osnat, Co. Liatroma, agus tá a ainm (‘James Feely’) thíos ar rollaí pá an *Irish Society* faoi dhúiche Liatroma i mí na Feabhra 1826 (de Brún 2009: 241). Dhealródh sé gurb é an scríobhaí é. Caithfidh sé go raibh aithne aige fós, ar Mhichael Ó Muillidhna,



teagascóir eile de chuid an chumainn, sin nó shínigh sé lámhscríbhinn Shéamuis Uí Fhicheallaigh áit amháin.<sup>2613</sup> Tá giota de theistiméireacht sa lámhscríbhinn fosta,

The Bearer, James Fihely, is a young man, with whom I am well acquainted ... with an unblemished character, whose education has not been neglected; he is a great proficient in the Irish language, well-versed in acc<sup>ts</sup>...<sup>2614</sup>

Thug de Brún (1969-70: 51) faoi deara cheana go bhfuil an-chosúlacht idir an lámhscríbhinn seo agus COC T<sup>1</sup>37 (37), lámhscríbhinn le Brian Ó Ruairc (*q.v.*) a grafadh sa chontae céanna idir na blianta 1841 agus 1842. Ón am ar scríobhadh an nóta sin, fuarthas lámhscríbhinn eile in Massachusetts: BCM 11 ar ghráf Mícheál Mhac an Bhaird agus Pádraig Mhac an Bhaird (*qq.v.*) ó Ros Inbhir, Co. Liatroma, í idir na blianta 1823 agus 1828, is é sin, le linn na mblianta ar grafadh lámhscríbhinn Shéamuis. Ba ar an Mátach, sa pharóiste céanna, a scríobh Séamus LN G436. Caithfidh sé, ar an ábhar go raibh cónaí orthu uilig i bparóiste Ros Inbhir, go raibh aithne ag Séamus ar Mhícheál agus ar Phádraig, agus nach aon chomhtharlú é go bhfuil cosúlachtaí móra ó thaobh an ábhair de idir a gcuid lámhscríbhinní. Thug Nessa Ní Shéaghdha faoi deara, *N.L.I. Cat.*, x, 5, gur baineadh cuid mhaith de LN G436 as ARÉ 24C39 (1169), lámhscríbhinn de chuid na 18ú hAoise ar shínigh Michael Ó Mullídhna í áit amháin. Bheadh sé spéisiúil níos mó eolais a bheith againn ar na lámhscríbhinní seo, agus an dream a scríobh iad.

**2.168. Eoin Ó Fionnagáin, fl.1810-34**

[John Finegan]

**ARÉ 23079 (1388).** Autograif, búrdúin agus dánfhocail, urnaí, ‘Tiomna re Déanamh ria mBás’, dánta cráifeacha le Donnchadh [Mór] Ó Dálaigh,

<sup>2613</sup> LN G436, lch 55. Féach fosta ARÉ 24C39 (1169).

<sup>2614</sup> LN G436, lch 191.

Séathrún Céitinn, ‘Beatha Chaoimhghin’, ‘Ginealach Chaoimhghin’, ‘Dhá Fhuath Déag an Chrábhaidh’, ‘Ortha Naomh Muire’, Aisling Sholaimh, ‘Tuireamh an Bháis’, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Lucht na Simléirí’, ‘Psaltair Chaisil’, comhairleacha agus fuatha éagsúla, dánta le Séamus Mac Cuarta, Fear Dorcha Ó Dálaigh, Pádraig Mac a Liondain, Cormac Dall Ó Cuimín, Uilliam Nuinseann, Pádraig Ó Díomasaigh, Philip Ministéir, William Burke, John Moran, Pól Ó Briain, Aodh Mag Shamhradháin, ‘Úrsgéal ar an Aithridhe’, ‘Iomann Phádraig Naomhtha’, cóip chlóite de *Chrioch Deigheanach don Duine. Dan Diadha* (1818), ‘Iomann Féicc’, le leagan Nua-Ghaeilge Risteaird Pluincéad, laoithe fiannaíochta, ‘Tairngire Amhlaoibh Mhic Carrthaigh’. Cúil Mhaoilín, Dún Seachlainn, An Mhí 1821-4.

Taobh amuigh de na tagairtí atá i gcló in Curran (1995: 427), Ó Mórdha (2004), agus in Ní Mhunghaile (2011: 139; 2014: 114-15; 2015: 561) don scríobhaí spéisiúil seo, ní heol dom go ndearnadh mórán taighde air. Mheabhródh dán a scríobh Eoin i mbrollach na haon lámhscríbhinne dá chuid atá againn, ARÉ 23079 (1388), gur cineál de réamhchonraitheoir a bhí ann.

Is dóigh gur rugadh Eoin Ó Fionnagáin am éigin sa cheathrú dheiridh den 18ú hAois.<sup>2615</sup> Tá sé ar taifead i gclár póstaí Dhún Seachlainn gur phós John Finnigan Mary Flood ar an 29 Deireadh Fómhair 1810.<sup>2616</sup> Rugadh scata páistí dóibh sna

---

<sup>2615</sup> Osclaíodh an clár baistí is sine atá againn do pharóiste Dhún Seachlainn sa bhliain 1789, agus tá taifead amháin ann do bhaisteadh John Finegan ar féidir gurb ionann é agus an scríobhaí—John Finegan, mac le William Finegan agus Alicia Ryan, a baisteadh ar an 9 Lúnasa 1793. Ní maith a théann ainmneacha na dtuismitheoirí leis na taifid eile a fuair mé (féach thíos), agus bheadh orainn glacadh leis nach raibh Eoin ach 17 mbliana d’aois nuair a pósadh é. Ba dhoiligh sin a chruthú nó a bhreagnú ar bhealach amháin nó eile, ach ní dóigh liom gur dócha gurb é ár scríobhaí é an John Finegan seo.

<sup>2616</sup> *Clár na bPóstaí, Dún Seachlainn*, 1801-34:

‘[1810]. Octr 29. John Finnigan & Mary Flood. Wit.: Rev. Mr. Carrolan and Ann Clark’.

deich mbliana a lean sin: Bridget Finegan (1811), Owen Finegan (1813), Patt Finegan (1815), Michael Finegan (1817-1892), agus May Finegan (1820).<sup>2617</sup> Ní chluintear trácht ar an gcuid is mó de na páistí seo i ndiaidh lá a mbaiste, agus is féidir gur cailleadh cuid mhaith acu i dtús a saolta. Nuair a tiomsaíodh *Tuarascáil* 1824, bhí John Finnegan agus Mary Finnegan ag teagasc scoile i gCúil Mhaoilín, Dún Seachlainn, agus an Ghaeilge mar ábhar scoile acu. Dhealródh sé gurb í bean Eoin an Mary Finnegan a luaitear sa tuarascáil. Ní raibh baint acu riamh, go bhfios dúinn, leis na cumainn bhíoblóireachta.

Is trua nach bhfuil againn ach lámhscríbhinn amháin de chuid Eoin, go bhfios dúinn, tharla go bhfuil an ceann sin, ARÉ 23079 (1388), líonta le réimse leathan téacsanna—téacsanna cráifeacha, iarrachtaí dá chuid féin, cóipeanna de shaothar Risteaird Pluincéad [? Risteard Pluincéad [2] (*q.v.*)], agus d’ábhar eile ó leabhair chlóite, amhráin ón traidisiún béil, ‘Éamonn an Chnoic’ agus ‘An Seandúine Dóite’ ina measc—agus tá cóip chlóbhuailte de *Crioch Deigheanach don Duine: Dán*

---

Bheinn ag déanamh amach go raibh seasamh éigin ag an John Finnigan seo sa pharóiste, má bhí sagart, an tAth. Carrolan, ina fhaisnéiseoir ag an mbainis. Rugadh cúigear clainne dóibh i gCúil Mhaoilín—féach nóta 2617. Is é an John Finnigan seo an scríobhaí, is dóigh liom. De réir iontrála eile, pósadh ar an 22 Meitheamh 1829 John Finegan eile, abraimis, le Mary Fowler, ach léiríonn teastais bhaiste na bpáistí a rugadh don lánúin seo go raibh cónaí orthu gar do Dhún Seachlainn, nó sa bhaile féin. Maidir le húsáid an loig ‘Dunshaughlin’, srl., sna cláir, féach Aguisín 12, áit a dtugtar eolas breise faoi shliocht Eoin Uí Fhionnagáin.

<sup>2617</sup> *Clár na mBaistí, Dún Seachlainn, 1789-1843:*

‘[3 Aibreán 1811]. Bridget. John Finegan, Mary Flood. Law: Meriman, Cath: Madden. C[ulmullen]’.

‘May 1, [1813]. Owen. John Finegan, Mary Flood. Jas Blackburn, Judith Merryman. C[ulmullen]’.

‘19 [Bealtaine 1815]. Patt. John Finnegan, Mary Tully. Peter Tiney, Judy Merriman. C[ulmullen]’.

‘16 [Meitheamh 1817]. Michael. John Finigan, Mary Flood. Joseph Leany, Bridget Madden. C[ulmullen]’.

‘13 [Márta 1820]. May. Jn<sup>o</sup> Finnigan, Mary Tully. James Heffernan, Ellinor Blackburn. C[ulmullen]’.

Mac le Michael Finnegan (1817-1892) agus Ann Cowley (c.1842-1890) ab ea an John Finnegan (1863-1900) ag a raibh ARÉ 23079 (1388) le fada. Déantar iarracht sin a léiriú chomh maith agus is féidir in Aguisín 12, ní a léiríonn as a stuaim féin, measaim, gurb ionann an scríobhaí agus an té a luaitear sa teastas pósta (1810) i nóta 2616 thuas.

*Diadha* (1818)<sup>2618</sup> ceangailte ina lár. Thug Eoin in amhail cúpla dán (ceann acu leis an Oll. Pól Ó Briain) a aistriú go Béarla. Thaispeáin Tomás Ó Con Cheanainn, *R.I.A. Cat.*, 3582, gur baineadh cuid d'ábhar ARÉ 23O79 (1388) as dhá lámhscríbhinn eile a grafadh sa dúiche sin: ARÉ 23K24 (59) le Labhrás Mhac Con Allaidh a scríobhadh i mBaile Géar, Ráth Tó, sa bhliain 1765; agus ARÉ 23C28 (393), lámhscríbhinn de chuid Shéamuis Niocláis agus John Leo Nicolas (*qq.v.*) a grafadh sa bhliain 1818, ag na Croseochracha gar do Bhaile an Bharúin, Co. na Mí, is dóigh.<sup>2619</sup>

Léiríonn *Tuarascáil* 1834, 129a, go raibh Eoin ag múineadh na trí R, mar a thugtaí orthu, an Teagasc Críostaí Caitliceach, agus an Ghaeilge ina scoil, rud atá thar a bheith spéisiúil, mar a thug Curran (1995: 427) le fios, nuair a chuirtear san áireamh a laige a bhí an teanga sa dúiche i lár na 19ú hAoise. Bhí an scoil sin á teagasc aige i dteach ar thailte an Uas. Dopping an uair sin. Ní dhéantar tagairt dá bhean chéile. Deir Curran (1995: 427), agus ní fios dom cá bhfuair sí a cuid eolais, go bhfuair Eoin Ó Fionnagáin bás i mí Feabhra 1855. Agus bhí cuimhne ag corrdhuine ón dúiche thart faoi Chúil Mhaoilín air mar mhúinteoir agus mar fhear mór Gaeilge san 20ú hAois, mar a thaispeánann an píosa seanchais seo a bailíodh sa bhliain 1937:

#### The Hedge-School at Culmullen

There was a hedge-school at Culmullen in an old shed where Hynes' house now is. The teacher was lodged in a house nearby and one penny per week was paid by each scholar to the teacher. Arithmetic, Catechism, Geography and Irish were taught. Finnegan was the teacher.<sup>2620</sup>

---

<sup>2618</sup> An leagan a chuir Éamonn Ó Sealbhaidh i gcló sa bhliain 1818. Féach nóta 1281 thuas.

<sup>2619</sup> Cé gurbh é Tomás Ó Con Cheanainn a thug faoi deara na cosúlachtaí idir na lámhscríbhinní, ba í Ní Mhunghaile (2011: 139; 2014: 115; 2015: 561) a thug an t-eolas seo uilig le chéile den chéad uair, agus a thug le fios gur grafadh na lámhscríbhinní sin uilig sa chomharsanacht chéanna, go bhfios dom. Féach na cuntais ar na scríobhaithe eile, Labhrás Mac Con Allaidh agus Séamus Niocláis, i gCaib. 2.55, 2.111 thuas.

<sup>2620</sup> COBÁC, *Bailiúchán na Scol*, LS 689, lch 125. Níor cuireadh ainm leis an gcuntas seo, ach dealraíonn sé ó na hiontrálacha eile atá thart ar an gceann seo gur bhailigh Frances Lawless, Bogganstown, é óna hathair (75 bliana d'aois) ar an 19 Nollaig 1938.

## 2.169. Séamus Ó Gabhagáin

CT H.5.13 (1385). Teagasc Críostaí, féilire, dánta cráifeacha le Bonabhentura Ó hEodhasa, [Uilliam Nuinseann], Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Philip Bocht [Ó hUiginn], Aodh Mhac Aingil, Tadhg mac Dáire [Mhic Bhruaideadha], Brian [Mac Giolla Phádraig], Diarmaid Ó Maoil Chonaire, urnaí agus dán Béarla le Mrs Martha House, dánfhocail, aistriúchán Gaeilge ar chuid de Shoiscéal Eoin, ‘Liodán ár mBaintighearna Muire’, sailm. An Díseart, An Iarmhí.<sup>2621</sup> Dó féin.

Tuairimíodh sa *T.C.D. Cat.*, 245, gur cuireadh CT H.5.13 (1385) le chéile thart ar an mbliain 1700, ach níl i gceist anseo ach tomhas garbh.<sup>2622</sup> Is léir, cibé rud é, gur scríobhadh í am éigin roimh an mbliain 1726,<sup>2623</sup> go raibh sí i gcnuasach Philib Mhic Bhrádaigh ina dhiaidh sin, agus go raibh sí i mBaile Átha Cliath faoin mbliain 1745, nuair a dhíol a dara sealbhóir,<sup>2624</sup> James Brady, í le Seán Mac an tSaoir (*q.v.*). Ba dó féin a bhí Séamus Ó Gabhagáin ag scríobh, óir tugann sé ‘maighistir an leabhair’<sup>2625</sup> air féin áit amháin. Léifí ar an bpeannaireacht gur chaith sé a dhúthracht leis an lámhscríbhinn seo, agus iarrann sé áit eile go foirmeálta ar an léitheoir maitheamh dó

<sup>2621</sup> Más ceart an nóta atá i láimh Philib Mhic Bhrádaigh ar lch 139, ‘Leabhair Phillib Mhic B[h]raduigh *airna* s[c]ribhing le S(h)émuis Ó Gabhagáin ansa Dís(h)art a [g]Conde Írm[h]ídhe’, is cosúil gur scríobh Séamus Ó Gabhagáin CT H.5.13 (1385) sa Díseart, Co. na hIarmhí, ach ní fios cá bhfuair Pilib an t-eolas sin. Ar lch 52, ar géire duilleoige anois é, tá an log ‘Disgért’ i láimh dhéanach san imeall íochtarach in aice leis an méid de cholafon an scríbhneora nár sracadh chun síúil: ‘<...g>adh gach duine do / <...>anacht ar anmuin an / <...>émus Ó Gabhagán’. Is féidir an Pilib Mac Brádaigh seo a aithint leis an scríobhaí darbh ainm sin a ndearnadh trácht air i gCaib. 2.43 cheana, ar an bpeannaireacht.

<sup>2622</sup> Tugtar ‘circa 1700’ in Mhág Craith (1958: 104).

<sup>2623</sup> Féach CT H.5.13 (1385), lch 40, áit a dtugtar nóta san imeall clé i dtaobh imeachtaí Luther sa bhliain 1517. Thíos faoin méid sin, tá i bpeannaireacht eile, is dóigh liom, an tsuim seo, ‘<1>727 / <1>517 / <2>10’. Scríobhadh arís ag bun an leathanaigh ‘1726 / 1517 / 209’. Tá na línte tosaigh de dhintíur a síníodh an 14 Lúnasa 1718 ag bun lch 149, ach níorbh é an scríobhaí a ghráf iad, agus is féidir gur sine go mór an dintíur ná an chóip féin, ar ndóigh. Ba nós do scríobhaithe cóipeanna de théacsanna dlí den chineál sin a choinneáil mar theimpléid, agus nílim sásta glacadh leis ar bhonn an nóta seo amháin gur grafadh an lámhscríbhinn roimh an mbliain 1718.

<sup>2624</sup> Gan an scríobhaí féin a chur san áireamh, ba é Pilib Mac Brádaigh (*q.v.*) an chéad sealbhóir a bhfuil trácht againn air, rud a thaispeánann gur dóigh gur bhain an leabhar Baile Átha Cliath amach sular cheannaigh Seán Mac an tSaoir é. Chóipeáil Seán Mac an tSaoir cuid mhaith de ARÉ 23A8 (354) aisti.

<sup>2625</sup> CT H.5.13 (1385), lch 221.

an dóigh ar scríobh sé ceann de na téacsanna atá sa lámhscríbhinn, mar gheall ar an riocht ina raibh an seanleabhar a bhí roimhe.<sup>2626</sup> Níl a dhath ar bith ar eolas againn faoi bheatha an scríobhaí chúramaigh seo.

**2.170. Pádraig Ó Gallóglaigh, fl.1822-34**

[Patrick English]

**ARÉ 23B19 (495).** Cuid di.<sup>2627</sup> Cuid den ábhar seo: tráchtas próis ar Chath Gabhra (Béarla), dánta le Pádraig Mac a Liondain, Peadar Ó Doirnín, Séathrún Céitinn, Art Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta, Séamus Mhac Giolla Choille, Fear Flatha Ó Gnímh, Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Mailí Nic a Liondain, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Pádraig Ó Cathaláin, Seán Buidhe Ó Cathaláin, Art Mór Ó Murchadha, Muiris Ó Mocháin, Eoghan Ó Donnghaile, Feargus Mac Bheatha, ‘Cáineadh Dhochtúir Whaley’, búrdúin agus dánfhocail, cuid acu leis an Dochtúir Ó Siadhail, Joseph Coleman, Eoin Ó Leannáin, Mairia Ní Chearnaigh, Art Mór Ó Murchadha, Pádraig Ó Gallóglaigh, Brian Ó Rodaigh, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, cuid de ‘Iomann Phádraig’.

**ARÉ 3C8(2) (1096).** Cuid di.<sup>2628</sup> Cuid den ábhar seo: dánta le hArt Mór Ó Murchadha, Séamus Ó Bréaghda, [Séamus Mac Cuarta], laoihe fiannaíochta, ‘Riaghail Uí Dhubhagáin’, [‘Deilín na mBacach’], nótaí ar mheadarachtaí, aibítrí éagsúla, liostaí ríthe, trácht ar chúrsa na gréine.

---

<sup>2626</sup> CT H.5.13 (1385), lch 133. Tá an nóta seo i gcló i gCaib. 1.2.2.3, colafon 68.

<sup>2627</sup> Míníodh i nóta 2227 cuid de na deacrachtaí a bhaineann le lámha na lámhscríbhinní a scríobh baill de lucht scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha a dhealú óna chéile, agus is dóigh gurb í ARÉ 23B19 (495) an lámhscríbhinn is measa sa dóigh sin. Ní thugaim sa liosta seo ach plé ar an ábhar atá sa lámhscríbhinn ar fad, óir sáraíodh mo chuid iarrachtaí uilig tuiscint éigin a fháil ar chomhdhéanamh agus lámha ARÉ 23B19 (495).

<sup>2628</sup> Bhí an deacracht chéanna agam le ARÉ 3C8(2) (1096) agus a bhí agam le ARÉ 23B19 (495). Féach nóta 2627.

**LN G200 (b).** Formhór di.<sup>2629</sup> Dánta le Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Art Mac Cumhaigh, Art Mór Ó Murchadha, Peadar Ó Doirnín, Séamus Mac Cuarta, Séathrún Céitinn, Cathal Mag Ruaidhrí, Clemens Mhac Diarmada, ‘Beannchadh an Duine Bhoicht’ [= ‘Deilín na mBacach’], amhrán, dán molta ar Phádraig Ó hAirlín, ‘Riaghail Uí Dhubhagáin’. ‘Dún na nEach Mór’ [= An Domhnach Mór], Dún Binne, Dún Dealgan, An Lú 1822-3.

Duine de na mionscríobhaithe dearmadta de chuid an ghrúpa sin scoláirí Airt Mhóir Uí Mhurchadha (*q.v.*) ab ea Pádraig Ó Gallóglaigh, nó Patrick English, mar a scríobhadh sé a ainm i mBéarla.<sup>2630</sup> Níor tugadh ach cuntas substaintiúil amháin air go fóill, Duffy (1987: 237-8), a scríobh stair na scoile sin Airt Mhóir, ach chuaigh de, fiú, ach an méid is lú eolas a fháil i dtaobh Phádraig. Thuigfí ó chuid de na nótaí a scríobhadh isteach in ARÉ 23B19 (495) gur dhuine de rúnaithe nó ‘public secretaries’ scoil Airt Mhóir é Pádraig Ó Gallóglaigh; ba é Patrick Dullaghan an duine eile ar ar fágadh an cúram ábhar a scríobh síos ‘by order of Arthur Murphy, Esqr., Licencium (?) General to the Muses, Governor and Chief Patron to the Literati, Hibernian and Oriental Antiquary, Postor of our Gaelic Society ...’<sup>2631</sup>

Is í an tréith is mó a bhaineann lena chuid peannaireachta a luainí atá sí; athraíonn sí ó théacs go téacs in LN G200 (b), a scríobhadh idir 1822 agus 1823, agus is féidir go raibh páirt ag lámh nó lámha eile san obair.<sup>2632</sup> Bhí cónaí ar Phádraig sa Domhnach Mór i bparóiste Dhún Binne in 1823 nuair a bhí an lámhscríbhinn sin á grafadh aige,

---

<sup>2629</sup> Leagtar lgh 19-20, 21-88, air san *N.L.I. Cat.*, v, 81, agus tá mé suite de go bhfuil an ceart ag an gcláráitheoir anseo, cé go bhfuil cuid mhaith athruithe sa script. Gheofar tuilleadh eolais faoin gceangal atá ag LN G200 (b) le ARÉ 23O54 (1363) i nóta 2573 thuas.

<sup>2630</sup> Is fiú a lua anseo, mar a dúirt Duffy (1987: 237 *n.54*), nach féidir Pádraig Ó Gallóglaigh (Patrick English) a cheangal le Patrick Dullaghan, ball eile den ghrúpa scoláirí sin, mar a mheas scríbhneoirí eile.

<sup>2631</sup> ARÉ 23B19 (495), lch 172. Tá an colafon inspéise seo i gcló in Duffy (1987: 237).

<sup>2632</sup> Thug Ó Tuathail (1932*b*: 556) ‘a small inelegant hand’ ar pheannaireacht sho-athraithe Phádraig, ach tá sí thar a bheith néata agus soléite i dtólamh.

ach d'aistrigh sé go Cill Chuirle tamall gairid ina dhiaidh sin, nuair a cheap sé dán atá ar taifead in ARÉ 23B19 (495).<sup>2633</sup> Is leabhar sleachta agus cóipeanna glana de dhánta éagsúla í ARÉ 23B19 (495); agus tá cáil ar leith uirthi mar gheall ar an gcnuasach dánta de chuid scoil Airt Mhóir atá inti, tar éis dó iomarbhá a réachtáil, deirtear, idir filí na scoile am éigin c.1825.<sup>2634</sup> Pléadh cheana féin na deacrachtaí a bhaineann le lámha scríobhaithe an ghrúpa sin a aithint óna chéile sa chuntas a scríobhadh ar Nioclás Ó Cearnaigh i gCaib. 2.130 thuas, agus is maith is féidir go gcruthófar go fóill gur scríobh Pádraig Ó Gallóglaigh an chuid is mó de ARÉ 23B19 (495) agus cuid de ARÉ 3C8(2) (1096). Murarbh é Pádraig é féin a scríobh ARÉ 3C8(2) (1096), is cinnte, cibé rud é, go raibh sí ina sheilbh aige,<sup>2635</sup> agus tá a ainm scríofa ar lámhscríbhinn eile de chuid na scoile, COBÁC M5.<sup>2636</sup> Ar an ábhar go bhfuil tranglam mór stíleanna peannaireachta agus colafoin (cuid acu leathscríosta) in ARÉ 23B19 (495), ní éasca cuntas cruinn a thabhairt ar ar scríobh sé isteach inti. Diomaite de gur athraigh léitheoir éigin cuid de na dátaí a thugtar sna colafoin in ARÉ 23B19 (495),<sup>2637</sup> déanann Duffy (1987: 238, 243, 247) amach gur scríobh Pádraig Ó Gallóglaigh cuid den ábhar chomh fada siar agus an 25 Meitheamh 1822, agus is dóigh gurbh eisean a d'fhág againn cuid de shaothair fhileata na scoile sa

<sup>2633</sup> Scríobh sé an rann, 'S é iomad a dtréas 'n-aghaidh Dé 'réir fhuagairt na Naomh; féach ARÉ 23B19 (495), lch 101.

<sup>2634</sup> Tugann Nioclás Ó Cearnaigh dátaí éagsúla idir 1825 agus 1827 ina chuid lámhscríbhinní, agus diomaite de go nglactaí leis an mbliain 1827, bhí an méid seo le rá ag Duffy (1987: 242) i dtaobh an dáta,

... we are probably wrong to think in terms of a formal iomarbhá, held in the presence of an assembled multitude, either on Castletown mount or in any other such idyllic setting, and the date 1827 is out of the question, since one of the poems by Woods had already been in circulation for two years at that stage.

Féach Duffy (1987: 240-2). Is dóigh gur féidir glacadh leis an dáta c.1825.

<sup>2635</sup> Scríobh Duffy (1987: 238) cheana go bhfuil na focail 'Patt English's book' inléite ar lch 26 sa chuid seo den lámhscríbhinn, ach tá colafoin oghaim agus nótaí fain eile inti a thugann le fios gurbh é Nioclás Ó Cearnaigh a scríobh an lámhscríbhinn sin. Scríobh Nioclás Ó Cearnaigh cuid mhaith nótaí den chineál sin ar lámhscríbhinní eile de chuid scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha, áfach.

<sup>2636</sup> Duffy (1987: 238).

<sup>2637</sup> Cuireadh cuid acu ar ceal, agus athraíodh cuid eile acu. Féach fosta go dtugtar le fios in Duffy (1987: 236 n.48) gur athraíodh dátaí éagsúla in COBÁC M6 go 1828 agus 1829, ar scríobh Art Mór Ó Murchadha a formhór idir na blianta 1817 agus 1823, is dóigh.



bhliain 1826, b'fhéidir, iad siúd a cruthaíodh mar chuid den iomarbhá dá ndearnadh tagairt cheana. Is féidir gur scríobhadh an méid eile sa bhliain 1828, ach ní bheidh a fhios againn cá fhad a bhí Pádraig ag déanamh na runaíochta d'Art Mór Ó

Murchadha go dtí go ndéanfar staidéar níos grinne ar na lámhscríbhinní iad féin.

Tuairimíonn Duffy (1987: 238 *n.57*) go bhfuil Pádraig Ó Gallóglaigh le ceangal leis an Patrick English, mac le Matt English agus Catherine Guggerty, 'Carrefeipog', a baisteadh i bparóiste Dhún Binne ar an 15 Márta 1799. Diomaite de nach bhfuil aon eolas nithiúil agam a ligfeadh dúinn tomhas a dhéanamh ar dháta breithe Phádraig an scríobhaí, is féidir gurb é an duine céanna é agus an gasúr a rugadh sa bhliain 1799, tharla gur rugadh beirt eile de *disciples* Airt Mhóir Uí Mhurchadha, Nioclás Ó Cearnaigh (*ob.c.*1864) agus Matha Mórdha Ó Graeme (1805-1882), thart faoin am sin. Tá sé ar taifead i *Leabhar Deachúnaithe Bhaile Bhalraic* (1834), Dún Dealgan, go raibh Patrick English éigin ag cur faoi i mBaile Thomáis, áit a raibh ocht bpéirse talún aige. Is ionann an áit seo agus an baile fearainn darb ainm Baile Thomáis atá suite i bparóiste Dhún Binne anois; agus dhealródh sé gurb é an Patrick English sin an Pádraig Ó Gallóglaigh seo againn. Bhí duine darb ainm Arthur Murphy ag cur faoi sa bhaile fearainn céanna an uair sin.

**2.171. Peadar Ó Gealacháin,**<sup>2638</sup> *c.*1792-1860<sup>2639</sup> [Peter Gallegan]

G + I. **ARÉ 3B39 (250).** 'Pósadh Chearbhaill Uí Dhálaigh' [= 'Tochmharc

Fhearbhlaidhe'], dánta le Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Séamus Mac

---

<sup>2638</sup> Mar gheall ar a liacht colafon atá i scríbhinní Pheadair Uí Ghealacháin, ar comhleabhair iad a bhformhór, agus a éagsúlacht atá an fhaisnéis a thugann siad ar na háiteacha ar scríobhadh iad, b'éigean dom córas eile cláraithe a cheadú anseo ó thaobh leagan amach de. Rinneadh clárú ar lámhscríbhinní Pheadair Uí Ghealacháin cúpla uair cheana féin. Na litreacha a thugtar san imeall ar clé in aice le huimhreacha preasa na lámhscríbhinní, is iad seo na cinn a d'úsáid Ciarán Dawson le déanaí sa phlé a rinne sé orthu (Dawson 2014: 162-3), an méid sin ag tarraingt ar liosta Uí Bhuachalla (1968: 276-81) den chuid ba mhó. Chuir Morris (1928a: 177) liosta inmheasta de scríbhinní Pheadair le

Cuarta, Art Mac Cumhaigh, autograf, ‘Caora an tSagairt’, ‘Cáineadh Chonallaigh’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Cáineadh Whaley’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Oidhe Chlann Uisneach’, ‘Dán Shliabh Sióin’, orthaí, laoithe fiannaíochta. **1827:**—Caisleán Cam, Ard Mhacha Bréige,<sup>2640</sup> Maigh nEalta; **1848:**—Ard Mhacha Bréige, Maigh nEalta, An Mhí 1827, 1847-8.

K. **ARÉ 3B38 (251).** Dánta le Peadar Ó Doirnín, Aodh Mhac Domhnaill [2], Mícheál Ó Cléirigh, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, Cormac Mac Séain,

---

chéile fosta, ach tá cúpla earráid ann: chláraigh sé COBÁC F20 faoi dhó (cuid (1) = IX, XI ‘a replica of No. IX’; cuid (2) = X, XII ‘a replica of No. X’) de thaisme toisc go raibh an lámhscríbhinn i Nua-Eabhrac nuair a scríobh Murray (1915) tuairisc uirthi, agus go rabhtas tar éis í a aistriú go dtí an Coláiste Ollscoile nuair a chuir Dubhglas de hÍde nóta chuig Énrí Ó Muirgheasa ina taobh. Tá ceartúchán air sin agus lámhscríbhinn sa bhreis in Ó Tuathail (1932*b*), lámhscríbhinn eile in Morris (1928), agus míniú breise ar COBÁC F20 in Ó Buachalla (1964).

Fágaim na lámhscríbhinní ARÉ 23O60 (1369) [= L (Dawson)], LPBF 20 [= O], LPBF 21 [= P], LPBF 22 [= Q], agus MN C87 (*a*), lgh 1-12 [= Z], as an áireamh óir ní dóigh liom gur scríobh Peadar Ó Gealacáin iad. Ba é Énrí Ó Muirgheasa (Morris 1928*a*: 175, 177) a leag LPBF 20 (lámhscríbhinn VI ar liosta Uí Mhuirgheasa, agus an dáta 1844 luaite aige léi ar ábhar éigin) ar Pheadar Ó Gealacáin den chéad uair. Thuairimigh Ó Buachalla (1962: ix *n.11*, 16-17 *n.27*; 1968: 278) gur scríobh sé í agus na cinn eile anseo (seachas MN C87 (*a*), lgh 1-12), ar chruth na peannaireachta, dar leis. Níl síniú le fáil ar cheann ar bith acu, rud a bheadh aisteach leis féin i gcás Pheadair, óir thugadh sé riamh aire do nithe den sórt sin, agus is dóigh liom, ar scrúdú na peannaireachta dom, gur scríobh Roibeard Mac Ádhaimh ARÉ 23O60 (1369) [ar chuid de LPBF 21 í tráth, *R.I.A. Cat.*, 3516], LPBF 20, LPBF 21, agus LPBF 22, agus gur scríobh Muiris Ó Gormáin MN C87 (*a*), lgh 1-12 (féach nóta 2819). Catalóga de lámhscríbhinní Roibeaird Mhic Ádhaimh atá in LPBF 20, agus is dóigh gur bunaíodh a bhformhór ar obair a rinne Peadar roimhe sin. Tá cuid de na catalóga bunaidh a chuir Peadar Ó Gealacáin le chéile do Roibeard Mac Ádhaimh (féach Aguisín 15 thíos) ar fáil i measc a chuid lámhscríbhinní go fóill, agus cúpla ceann eile in OB G14, ach níor bhac mé leo anseo toisc nach lámhscríbhinní ó cheart iad. Féach go bhfuil liosta díobh siúd atá scaipthe ar fud lámhscríbhinní na Leabharlainne Poiblí i mBéal Feirste in Ó Buachalla (1968: 207 *n.9*); tá tuilleadh acu i lámhscríbhinní Young san Acadamh, srl.

Luaim anseo nóta—díreach le go mbeifear in ann fáil réidh leis—a scríobh Elizabeth FitzPatrick (i ndiaidh Purton) ina ndeirtear go bhfuil an pheannaireacht sa tríú cuid de ARÉ 24P20 (1072), lena ngabhann síniú Pheadair Uí Ghealacáin agus dátaí idir 1845 agus 1846, éagsúil nó ‘quite different ... from that of pt. ii [den lámhscríbhinn chéanna]; either it changed greatly in the twenty years elapsing between the copying of these MSS., or else, as Purton suggests, part iii is the work of a son of the Peter Gallegan of part ii...’, *R.I.A. Cat.*, 2983. Tá an dara cuid sínithe ag Peadar Ó Gealacáin fosta; ba idir 1824 agus 1826 a chuir sé le chéile í. Is i láimh dhéanach Pheadair atá an tríú cuid .i. an stíl pheannaireachta atá in DE Gen. 43D, ‘the Edinburgh manuscript’, srl., agus réitíonn an ginealach atá sa dara cuid den lámhscríbhinn lena dtugtar i lámhscríbhinní déanacha Pheadair, m.sh. ARÉ 3B39 (250), a scríobhadh idir 1847 agus 1848. Féach nóta 2666, áit a bhfuil liosta de lámhscríbhinní ina bhfuil a ghinealach scríofa aige.

<sup>2639</sup> Tugann Dawson (1992: 141; 2014: 159) 1861 mar dháta báis, ach is eol dúinn go bhfuair sé bás go gairid tar éis an 25 Eanáir 1860. Féach nóta 2749.

<sup>2640</sup> Is doiligh teacht ar an litriú ceart anseo. Is éard a scríobhann Peadar Ó Gealacáin sna lámhscríbhinní a chuir sé le chéile nuair a bhí cleachtadh maith ar an scríobh aige, ‘Ardmhacha Bréaga’, ach is fearr le húdair eile leaganacha ar nós ‘Ard Macha Bréige’, an tOll. Breandán Ó Buachalla ina measc (Ó Buachalla 1968: 122). Cloím le litriú Uí Bhuachalla i gcás na tríú míre, ach géillim do Pheadar séimhiú a chur ar an dara mír.

Antoine Mór Ó Dochartaigh, Nuala Ní Néill, Séamus Ó Deoraidhín, Eoghan Mac Giolla Íosa, Séamus Mac Domhnaill, Pádraig Mac a Liondain, Brian Táilliúir, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Para Mhal Trasna (Pádraig Ó Seonaim), Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Philip Ó Dubhghaill, ——— Ó Duibhgeannáin, Fear Dorcha Ó Mealláin, Proinsias Nuinseann [? Tomás Ó Cléirigh ó cheart], Cathal Mag Aodha, Seon Birt, Art Mag Aonghusa, Art Mac Cumhaigh, autograif, ‘Aisling na Binne Boirbe’, ‘Aisling Mhic na Míchomhairle’, liostaí lámhscríbhinní a chuir Philip F. Barron le chéile, cathanna a troideadh in Éirinn, sionascáin na hAoine, ‘Comhairle Mherlínó do Chian’. 1853-4.<sup>2641</sup>

**ARÉ 23C1 (371)**. Blogh di. Athnuachan ar chodanna de ‘Foras Feasa air Éirinn’. Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí 1847.

**ARÉ 23E12 (769)**.<sup>†</sup> Blogh di.<sup>2642</sup> Dhá véarsa ó amhrán le Pádraig Ó Cearbhaill.

- J. **ARÉ 3C4i (a) (1018)**. Formhór di. Aistriúchán Béarla ar amhrán, dánta le Uilliam Mac Giolla Chiaráin, Art Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta, Pól Ó Briain, Seán Ó Neachtain, [Richard] McNally & ——— Fergus, Seán Clárach Mac Domhnaill, Peadar Ó Doirnín, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Pádraig Ó Briain, Pádraig Mac a Liondain, Naois Mac Gabhann, Fear Dorcha Ó Faircheallaigh, [Séamus] Ó Teibhlin, Brian Ó Tomaltaigh, amhráin, aistriúchán Gaeilge ar an *Adeste Fyledes* le ——— Crilly. **1850:—**

---

<sup>2641</sup> Thuigfí ó nóta a scríobhadh ar lch 96 gur grafadh an chuid seo den leabhar sa bhliain 1851. Gheofar iarracht ar mhíniú a thabhairt air seo in Aguisín 15. Cloím go docht lena ndeir Peadar Ó Gealacáin é féin, is é sin gur tosaíodh ar an leabhar a scríobh ar an 5 Aibreán 1853, mar a deirtear ar an leathanach teidil, agus leanann na dátaí a thugtar sna colafoin tríd an leabhar ar aghaidh in ord loighciúil go dtí an 4 Bealtaine 1854 (lch 328).

<sup>2642</sup> Lch [54a]. Maidir leis an úsáid a bhain Nioclás Ó Cearnaigh as **ARÉ 3C4i (a) (1018)**, agus é ag scríobh **ARÉ 23E12 (769)**, féach nóta 2711 thíos.

Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí 1843, 1850-1.<sup>2643</sup> Do *Bhrian Ó Tomaltaigh*.<sup>2644</sup>

**ARÉ 24P11 (1067).** Blogh di.<sup>2645</sup> Rann. [? 1845].<sup>2646</sup>

F + H. **ARÉ 24P20(2-3) (1072).** An *Dies Irae* (Gaeilge agus Béarla), ‘Eachtra Lomnochtáin ó Shliabh Rife’, ‘Beatha an Easpaig Ghlórmhair Pádraig Naofa’, ‘Beatha an Bhan-Naomh Beannaithe Anna, Máthair Mhuire Óigh’, ‘Beatha Mherlínó’, ‘Beatha Chríost’, filíocht chráifeach, búrdúin, dán le Fiachra Mhac Bhrádaigh. **1826:**—Baile Chrúis, An Mhí; **1845:**—Paróiste Mhaigh nEalta, An Mhí 1824-6, 1845-6.<sup>2647</sup> [Cuid (3) – ? Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

X. **C Add. 6563 (42).** Formhór di. Laoithe fiannaíochta, ‘Comhradh an Duine agus an Bháis’, búrdúin agus dánfhocail, cuid acu le Parson Brady, dánta le Séamus Mac Cuarta, Cathal Mag Ruaidhrí, Diarmaid Mac Muireadhaigh, Aindrias Mag Uidhir, Ragnall Mac Domhnaill, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Pól Ó Briain, Pádraig Mac a Liondain, ‘Eachtra an Scoláire agus na Caillí’, fógraí i bhfoirm dánta, aistriúcháin le Mícheál Ó Cléirigh,

---

<sup>2643</sup> Fuarthas na dátaí seo inti—an 4 Meán Fómhair 1843 (f. 5), an 27 Meán Fómhair 1843 (f. 12v), an 12 Nollaig 1843 (f. 21), an 22 Nollaig 1843 (f. 26v), an 21 Márta 1851 (f. 37v), an 6 Samhain 1850 (f. 43v). Deir Peadar Ó Gealacháin sa nóta ar f. 37v gur chuir sé críoch leis an lámhscríbhinn an lá sin, agus níl amhras ar bith orm go bhfuil cuid mhaith den scríbhinn seo cailte anois. Is bileoga fáin iad ff. [49a]-[49b]. Is dearmad cló an dáta 1857 a cuireadh síos don lámhscríbhinn seo in Williams (1969-70: 313).

<sup>2644</sup> Don bhailitheoir lámhscríbhinní seo, féach an plé a dhéantar air i gCaib. 2.222 thíos.

<sup>2645</sup> Lch 313.

<sup>2646</sup> An dáta ar dheisigh Peadar an lámhscríbhinn—am éigin i rith mhí Dheireadh Fómhair 1845, de réir nóta a scríobh sé inti. Féach nóta 2748 thíos.

<sup>2647</sup> Chruthaigh Ó Buachalla (1968: 277) dúinn cheana gur scaoileadh na leathanaigh taobh amuigh ón lámhscríbhinn ARÉ 24P20(3) (1072), agus go bhfuil siad ceangailte le ARÉ 3B38 (251); cuir i gcomparáid lena chéile an dáta, an 21 Feabhra 1845, a luaitear in ARÉ 24P20(3) (1072), lch 289 (lch 3 tráth), agus i nóta in ARÉ 3B38 (251), lch 307 (uimhriú bunaidh de réir leathanach): ‘This book was commenced on Friday, Feb. 21<sup>st</sup>, 1845, and was completely finished on Good Friday, April 10<sup>th</sup>, 1846’, *R.I.A. Cat.*, 643. Tá an tríú cuid de ARÉ 24P20 (1072) ríofa anois 289 go 512 de réir leathanach (224 lch), sa dóigh gurb é lch 289 an áirímh reatha, mar a luadh cheana, lch 3 na lámhscríbhinne mar a bhí sí ar dtús; fágann sin go bhfuil 80 leathanach (lgh 225-306 ó cheart) den bhunscríbhinn cailte. Is é an dáta is maille a thugtar sa lámhscríbhinn—an méid di a tháinig slán—an 17 Eanáir 1846 (lch 492).

‘Cáineadh Whaley’, dánta Béarla, ‘Dán Beag an Oileáin Bhric’, ‘Laoi Mholta an Tombac’, amhráin, ‘Mairgne Pheadair Uí Ghealacáin’. **1826:**—Baile Chrúis, An Mhí; **1827:**—Corskeltagh;<sup>2648</sup> [? **1827**]:—Dún an Rí, An Cabhán;<sup>2649</sup> **1828:**—Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí; **1850:**—Scoil Petersvilla; **1850:**—Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí 1824-8, 1850.

V + W. **COBÁC F20.** Dánta le Séamus Mac Cuarta, Art Mac Aonghusa, Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Art Mac Cumhaigh, Peadar Ó Doirnín, laoithe fiannaíochta, dhá dhán Béarla le J. T. Rowland, agus aistriúcháin orthu le Peadar Ó Gealacáin. Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí 1850-1.<sup>2650</sup> Do *J. T. Rowland*.<sup>2651</sup>

R. **COC M55 (55).** Dán le Séamus Ó Muireadhaigh, sliocht as an ‘Leabhar Gabhála’, ‘Críocha Déanacha an Duine’, ‘Seanmóir ar an bPáis’, ‘An tSaltair Mhuire’, dánta grádha, laoithe fiannaíochta, dánta le Seán Mac Flaithrí, Tadhg Dall Ó hUiginn, [Eochaidh Ó hEodhasa], Niall Ó Caiside, Tadhg Ó

<sup>2648</sup> Tugann de Brún & Herbert (1986: 88 col. a) ‘Ca[va]nskeltagh’ mar cheartúchán ar litriú Pheadair, ar an tuiscint, is dóigh, go raibh an baile fearainn ‘Cavanskeldragh’, paróiste Chnoc Bhríde, Co. an Chabháin, ar intinn ag Peadar. Is dóigh liom go raibh Peadar ag smaoineamh ar an mionainm ‘Corskeltagh’ a luaitear cúpla uair c.1827 i *gClár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair*, 1821-66.

<sup>2649</sup> Tá na leathanaigh sa lámhscríbhinn seo as riocht anois, agus tá uimhriú nua (de réir duilleoige) curtha orthu, ach tá an chuma ar an scéal go bhfuil an crot ceart fós ar ff. 40-60 (lgh 121-62), agus tá an log ‘Dún an Rí’ luaite i rann beag a cheap Peadar, agus a scríobhadh ar f. 51 (lch 143), *Arna scríobha a nDún a’ Rí*. Tá an 17 Nollaig 1827 le f. 47v (lch 136), agus an 19 Nollaig 1827 le f. 50v (lch 142), ach ní thugtar ceann ar bith eile ina dhiaidh sin sa chuid seo den lámhscríbhinn. Glacaim leis, mar sin, gur grafadh f. 51 (lch 143) go gairid i ndiaidh an 19 Nollaig 1827.

<sup>2650</sup> Maidir leis na dátaí seo, is féidir neamart a dhéanamh de na cinn a luann an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh (.i. 1850 agus an 5 Meán Fómhair 1840) sna haistriúcháin a rinne sé ar cholafoin deiridh an dá leabhar (Murray 1915: 321 n.3, 322 n.1); tá na cinn a luadh sna sleachta féin as na leabhair ceart (1851 agus an 5 Samhain 1850). Tugtar cuid de na colafoin eile in Ó Buachalla (1964).

<sup>2651</sup> J. T. Rowland, dlíodóir agus file Béarla. Ba i Sr. San Labhráis, Droichead Átha, a bhí cónaí air i lár na 19ú hAoise, nuair a ghráf Peadar Ó Gealacáin COBÁC F20 dó. B’fhéidir nach ábhar iontais é go raibh aithne mhaith aige ar Bhrian Ó Tomaltaigh (*q.v.*). Thiontaigh sé cuid mhaith dánta Gaeilge go Béarla. Bhí air dul go Meiriceá thart ar an mbliain 1867 mar gheall ar an mbaint a bhí aige leis na Fíníní, agus fuair sé bás ann sa bhliain 1872. Tugtar an méid eolais a bheadh de dhíth ar an léitheoir Gaeilge in Murray (1915: 318-19), Morris (1928a: 176), Ó Buachalla (1964: 6 col. b – 7 col. a), ach tá cuid mhaith de scéal a bheatha fós le scríobh. Luaitear é ar an liosta scoláirí Gaeilge a chuir Patrick O’Farrell le chéile sa bhliain 1853; féach Ó Casaide (1940: 257).

Ruairc, Muiris Ó Dálaigh, Toirdhealbhach Ó Conchubhair, Diarmaid Mac Muireadhaigh, ‘Seanchas ar Bhaintighearna Inse Ceithlionn’,

‘Craobhscaoileadh Shleachta Thomáis Mhig Uidhir’, amhráin Bhéarla.

**1825:**—Tamhas, An Mhí; **1825:**—Caisleán Cam, Ard Mhacha Bréige, Maigh nEalta, An Mhí 1825.

- U. **DE Gen. 43D.** Formhór di.<sup>2652</sup> Búrdúin agus dánfhocail, aistriúcháin le John Gargan, Mícheál Ó Cléirigh, Pól Ó Briain, dánta agus amhráin le Peadar Ó Doirnín, Uilliam Mac Giolla Chiaráin, Séamus Mac Cuarta, Niall Mac Murchaidh, Brian Rábach Ó Cléirigh, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Peadar Dubh Ó Dálaigh, Art Mag Aonghusa, [Cathaoir] Mac Cába, Cearbhall Ó Dálaigh, Maurice O’Dugan, Cathal Mag Ruaidhrí, Muiris Ó Mocháin, Pádraig Mac a Liondain, Muiris Ó Gormáin, Séamus Ó Teibhlin, Uilliam Ó Briain, Art Mac Cumhaigh, Pádraig Ó Briain, Seán Ó Neachtain, [Richard] McNally & ——— Fergus, Dáibhidh Ó Murchadha, ——— Flavell, Seán Clárach Mac Domhnaill, Seán Ó Tuama, Fear Dorcha Ó Faircheallaigh, Uilliam Breathnach, Stiophán Mac an tSaoir, ——— Corrigan, Pádraig Ó Raghallaigh, Matha Ó Manacháin, Peadar Mag Ualghair, Aonghus Ó Dálaigh, Eibhlín Ní Chaoilte, Uilliam Dall, Eoghan Ó Raghallaigh, Aindrias Mac Craith, Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin, Tadhg Gaodhalach Ó Súilleabháin, Seán Ó Cuilinn, Pól Ó Briain, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Naoise Mac Gabhann, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, ‘Mac na Míchomhairle’, dánta Béarla leis an Ath. Christopher Cheevers, James Martin, Peter Rogers, Philip Thornton, autograf, laoithe fiannaíochta, agallamh idir máistir agus scoláire, ‘An Reagaire Torpach’ le Brian Rábach

---

<sup>2652</sup> An t-iomlán den ábhar liteartha ach: (1) dán a scríobh Eugene Guilford Finnerty (gan síniú) ar lch 662; agus (2) giotáí a scríobh Peadar Dubh Ó Dálaigh a dtugtar cuntas gearr orthu i nóta 2355 thuas.

Ó Cléirigh, ortha, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Riaghail Uí Dhubhagáin’,  
Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí 1841-4.<sup>2653</sup> Dó féin.

D. **LN G199(1)**. Blogh di. Dán le Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain,  
Donnchadh Mac Cathasaigh, Peadar Mag Ualghairg, ‘Eachtra na  
gConnachtach’, laoithe fiannaíochta. An Mhí 1851. [Do *Roibeard Mac  
Ádhaimh*].

B + C. **LN G200 (a)**. ‘Bruidhean Chéise Corainn’, laoithe fiannaíochta, dánta le  
Tadhg Camchosach Ó Dálaigh, Labhrás Ó Séaghdha, Fiachra Mhac  
Bhrádaigh, ——— Mac Bruaideadha, ‘Triamhain Ghormlaith’, ‘Eachtra an  
Bháis’, orthaí, búrdúin agus dánfhocail, ‘Comhrac an Chon [*sic*] Duibh’,  
‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’, nótaí ar Rí Cormac, ‘Comhradh an tSagairt  
agus an Duine Bhoicht’, ‘Dán an Chodlata’, ‘Comhairle Mhic Clámha’,  
‘Comhairle Naomh Augustine’. **1824, 1828:**—Caisleán Cam, Ard Mhacha  
Bréige, Maigh nEalta, An Mhí; **1837, 1839:**—Baile Mhic Cathnaoin, Maigh  
nEalta, An Mhí; **1839:**—Ard Mhacha Bréige, Maigh nEalta, An Mhí 1824-8,  
1837-9.

**LN G702(20, 30)**. Litreacha, dhá dhán, ceann acu le Peadar Ó Gealacháin,  
agus ceann eile le Séamus Mac Cuarta. Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta,  
An Mhí 1851-4. Do *Roibeard Mac Ádhaimh*.

A. **LN G809**. Dánta le Séamus Mac Cuarta, Cathal Mag Ruaidhrí, Peadar Ó  
Doirnín, Mícheál Ó Cléirigh, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Éamonn Ó  
Caiside, Uilliam Mac Giolla Chiaráin, Pól Ó Briain, Tomás Tréanláimh,  
‘Pléaráca na Ruarcach’, oidis ar ghalair, nótaí matamaitice, nótaí Béarla ar  
‘Foras Feasa air Éirinn’, sleachta as graiméir agus as irisí Béarla, aistriúchán

---

<sup>2653</sup> Tugtar liosta de na dátaí a luaitear sna colafoin in DE Gen. 43D i gCaib. 1.1.2, ach chuir Peadar rann amháin leis an lámhscríbhinn sin, agus ábhar eile, b’fhéidir, i mí Lúnasa 1853, nó ina dhiaidh sin. Féach an nóta in DE Gen. 43D, lch xvii, rud a thugtar i nóta 2739.

ar amhrán le Francis Cassidy, ‘Tuireamh na hÉireann’, amhráin. **1823**:—Ard Mhacha Bréige, Maigh nEalta, An Mhí; **1823**:—Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí; **1823, 1824**:—Caisleán Cam, Ard Mhacha Bréige, Maigh nEalta, An Mhí 1822-5, 1842, 1847, [? c.1860].<sup>2654</sup>

- E. **LN G1152**. Dánta le Giolla Bhríghde Mac Con Midhe, Peadar Dubh Ó Dálaigh, Brian Rábach Ó Cléirigh, Cearbhall Ó Dálaigh, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a Liondain, Muiris Ó Gormáin, Uilliam Ó Briain, Art McGinis, Fear Dorcha Ó Faircheallaigh, Pól Ó Briain, Uilliam Breathnach, Stiophán Mac an tSaoir, Matha Ó Manacháin, Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Peadar Mag Ualghairg, Pádraig Ó Briain, Art Mac Cumhaigh, Uilliam Mac Giolla Chiaráin, ‘Eachtra an Reagaire Thorpaigh’ le Brian Rábach Ó Cléirigh, autograf, dánta cráifeacha. **1848**:—

---

<sup>2654</sup> Grafadh an lámhscríbhinn ach beagán idir na blianta 1823 agus 1824, ach tá an 11 Eanáir 1822 luaite ar lch 397, dátaí éagsúla sa bhliain 1825 ar lgh 353, 358, srl. Scríobhadh nóta ar dhátaí ar lch 149 sa bhliain 1842, agus deisíodh leathanaigh chaillte (lgh 379-80) ar an 12 Meitheamh 1847. Tá seacht mblogh páipéir istigh le LN G809: (1) sé cinn acu idir lgh 48, 49, agus (2) gearrthóg as an *Meath Chronicle* i dtaobh bhás Thomas Boylan, Baile Chrúis, ar a bhfuil scríofa i bpeannaireacht Owen Smyth, ‘Meath Chronicle 15 July 05’. Fuair Thomas Boylan (*ob.*1905) LN G809 [? go gairid] tar éis bhás Pheadair Uí Ghealacáin, agus bhí sí aige an uair a thosaigh Énrí Ó Muirgheasa a lorg lámhscríbhinní Pheadair thart faoin Obair sa bhliain 1903, mar a mhínigh Ó Muirgheasa (1933: 7-8; 2015: xl) dúinn i leabhar dá chuid,

I located one of his MSS. in the possession of Tom Boylan, of Cruisestown near Nobber. ... To my dismay, he would not part with it ... as he said it was the last relic of Galligan that remained about Nobber, and Galligan had been his life-long friend. Boylan died shortly afterwards, and the manuscript passed, by bequest I think, into the hands of Owen Smith, of Nobber.

Tar éis do Owen Smyth (1842-1917) bás a fháil ar an 24 Márta 1917, dhíol John Russell, Feagh, an lámhscríbhinn le hÉamonn Ó Tuathail. [Níor socraíodh ar leagan iontaofa Gaeilge den logainm *Feagh*, agus bainim úsáid as an leagan Béarla].

Na sé bhlogh atá idir lgh 48, 49, tá cúig cinn acu i bpeannaireacht Pheadair Uí Ghealacáin, agus (a) – (e) marcáilte orthu i ndúch dearg; níl litir thagartha leis an gceann eile, ach is é rud atá ann, an litir a scríobh John Russell, Feagh, chuig Éamonn Ó Tuathail ar an 21 Bealtaine 1917 i dtaobh na lámhscríbhinne. Níl dáta scríofa le ceann ar bith de na bhloghanna (a) – (e), ach is féidir gur grafadh blogh (c) c.1860. Féach nóta 2751 i dtaobh an dáta seo. Tá fógraí báis sa lámhscríbhinn ar lgh 235, 289, 312, 516, 588, 838, cuid acu a thráchtann ar dhaoine a fuair bás chomh mall leis an mbliain 1842, ach níl dáta scríofa leo.



Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, An Mhí 1844, 1848-51.<sup>2655</sup> Do

*Roibeard Mac Ádhaimh.*

M. **LPBF 23.** ‘Beatha agus Feartaibh Naomh Maodhóig’. Maigh nEalta, An Mhí 1844. Do *Roibeard Mac Ádhaimh.*

N. **LPBF 24.** Formhór di.<sup>2656</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta. Le taobh Mhaigh nEalta, An Mhí 1844.<sup>2657</sup> Do *Roibeard Mac Ádhaimh.*

**OÉG H4.** Blogh di. Rainn fáin. Caisleán Cam, Ard Mhacha Bréige, An Mhí 1827.

T. **OÉG H15.** Cuid di.<sup>2658</sup> Giotáí de ‘Tóraidheacht Shaidhbhe’ agus de ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’. Maigh nEalta, An Mhí 1844.<sup>2659</sup>

S. **OÉG H39.** ‘Coimheasgar na gCuradh’, ‘Eachtra na gCuradh’. Caisleán Cam, Ard Mhacha Bréige, An Mhí 1827-9.

Y. **OB 1/155.\*** Formhór di. Dánta le hAodh Mhac Domhnaill [2].<sup>2660</sup> [Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].

---

<sup>2655</sup> Ní scríobhann Peadar ach ar aghaidheanna na leathanach den chuid is mó in LN G1152, sa dóigh go n-úsáideann Roibeard Mac Ádhaimh na leathanaigh bhána le nótaí a scríobh orthu. Tugtar an 28 Márta 1844 (agus ainm is seoladh Roibeaird Mhic Ádhaimh) i bpeannaireacht Pheadair ar cheann d’fhordhuilleoga LN G1152; an 18 Meitheamh 1844 ar lch 122; agus an 9 Iúil 1844 ar lch 273. Tosaíonn an dán deiridh le hUilliam Mac Giolla Chiaráin atá sa lámhscríbhinn, *Is é mo chreach is mo léan ar uachta Mhic Dé*, ar lch 345, agus fágtar lch 346 bán. Tá malairt bheag le sonrú idir an pheannaireacht ar lch 345 agus lgh 347-8. Ní eile, dealraíonn sé gur gearradh chun siúil an duilleog a tháinig i ndiaidh lgh 345-6 i dtús áite, ach an stiall bheag dár greamaíodh an duilleog fáin ar a dtugtar lgh 347-8 anois. Leanann an dán gan bhriseadh ar lgh 347-8, agus tugann Peadar Ó Gealacáin colafon ag bun lch 348 ina luann sé Baile Mhic Cathnaoin, agus an 15 Iúil 1848 mar dháta scríofa. Dealraíonn sé gur cinneadh ar dheireadh an dáin a athscríobh, sa dóigh gur féidir gur scríobhadh an t-ábhar uilig ar lgh 1-345 sa bhliain 1844, agus go ndearnadh obair dheisithe ar an lámhscríbhinn sa bhliain 1848. Tagann i ndiaidh lch 348 cúpla dán cráifeach nach dtéann le hábhar eile na lámhscríbhinne ar chor ar bith, agus tá an 10 Meitheamh 1851 mar dháta scríofa le lch 357. Stadann an lámhscríbhinn ar lch 370.

<sup>2656</sup> Ba é Roibeard Mac Ádhaimh é féin a chuir tús leis an lámhscríbhinn seo, ag scríobh ar aghaidheanna na leathanach amháin. Chuir Peadar Ó Gealacáin ábhar breise ar lch 16, agus tá an chuid sin den lámhscríbhinn ó lch 42 amach ina láimh, seachas ceartúcháin agus nótaí mínithe a scríobh Roibeard Mac Ádhaimh ar na leathanaigh bhána.

<sup>2657</sup> Ní thugtar bliain a scríofa in Ó Buachalla (1962: 18-20), ach tá an dáta 4 Meitheamh 1844 ar lch 195.

<sup>2658</sup> Lgh 189-220; féach an *de Búrca Cat.*, 383-4.

<sup>2659</sup> Tá an dáta 31 Iúil 1844 ar lch 210.

<sup>2660</sup> Is ceart d’Ó Buachalla (1964-6: 197) gur grafadh an lámhscríbhinn seo am éigin tar éis na bliana 1851, ó tharla go bhfuil an dáta sin luaite le dán inti áit amháin.

Ní éasca cuimhneamh ar scríobhaí déanach de chuid an Tuaiscirt ba mhó a tharraing aird agus ómós air féin ná Peadar Ó Gealacáin, agus an méid sin is a dhúthracht tuillte go maith aige. Cé gurbh é Seosamh Laoide (1914: vi) an chéad duine a chuir a ainm os comhair an phobail mhóir, an tráth ar thug sé air ‘an sgríbhneoir clisde do chuir roimhe do chuspóir amhráin na Midhe do sgríobhadh i leabhraibh ar cheasta go gcaillfidhe iad’, ba é Énrí Ó Muirgheasa a chuir tús le scéal a bheatha a ríomhadh in Ó Muirgheasa (1915: 279-82, 340-1), agus in Morris (1928*a*), ach go háirithe; agus táthar ag cur leis an gcreatlach scéil a sholáthair sé dúinn ón am sin i leith. Rinne Séamus Ó Casaide (1929*a*: 10; 1933*a*; 1939) cúpla bearna, dáta báis Pheadair ach go háirithe, a líonadh; thionsaigh Philip O’Connell (1942: 303-332) agus Breandán Ó Buachalla (1968) cuid mhaith eolas úr air ó lámhscríbhinní Bhéal Feirste, ach is é an bheathaisnéis is iomláine atá againn an ceann a scríobh Ciarán Dawson (1992).

Tchífeadh tionchar na beathaisnéise sin tríd an gcuntas gearr seo. Pléadh gnéithe eile de shaothar Pheadair—idir lámhscríbhinní agus dhánta—i mbaicle foilseachán eile: Mac Airt (1951: 2 col. a), Ó Muirthile (1988-9), Mac Gabhann (1994-5), de Brún (2009: 258-60), Cooney (2014), Dawson (2014), Cusack (2016), agus eile. Tá liostaí sealadacha de lámhscríbhinní Pheadair curtha le chéile cheana féin in Morris (1928*a*: 177), lenar chuir a lucht comhairsire ceartúcháin agus eolas breise le himeacht aimsire;<sup>2661</sup> agus tá liosta eile in Ó Buachalla (1968: 276-81), ach is é an ceann a thugtar in Dawson (2014: 162-3) an liosta reatha, agus an ceann as ar baineadh an-earraíocht anseo. Tá a chuid lámhscríbhinní lán le colafoin a thugann eolas cruinn dúinn faoina ndéantús.<sup>2662</sup> Chuir Dawson (1992: 51, 93-4, 107-10 119-21; 2014: 132, 140-50, 161) formhór a chuid dánta agus aistriúchán in eagar; tá dánta agus rainn

---

<sup>2661</sup> Féach nóta 2638 thuas.

<sup>2662</sup> Déanfar plé ar na háiteacha scríofa agus cónaithe a thugann Peadar Ó Gealacáin ina chuid lámhscríbhinní in Aguisín 13.

eile dá chumadh in Ó Buachalla (1964; 1968: 128-32, 210-13, 253), in Ó Muirthile (1988-9), agus Cusack (2016).

Meastar gur rugadh Peadar Ó Gealacáin in 1792 nó 1793,<sup>2663</sup> ar thaobh amháin nó eile den teorainn idir Co. na Mí agus Co. an Chabháin, is dócha.<sup>2664</sup> Diomaite de go bhfuil cineál de ghlacadh neamhfhoirmeálta leis gur Mhíoch é Peadar, áit ar chaith sé an chuid is mó dá shaol, tá áitithe ag cúpla scoláire go bhféadfadh sé gurbh as Co. an Chabháin dó. Murarbh ann a rugadh Peadar é féin, ba as an gcontae sin dá shinsir ar

---

<sup>2663</sup> Tíomsaíodh liosta meartha iomlán de na haoiseanna a luann Peadar Ó Gealacáin ina chuid scríbhinní in Ó Buachalla (1968: 122 *n.21*). Tugann Énrí Ó Muirgheasa dáta cruinn, an 29 Meitheamh 1792, agus an méid sin bunaithe ar an nóta a chuir Peadar Ó Gealacáin le DE Gen. 43D, lch 701, rud a luann Morris (1928a: 168, 173) san alt céanna. Deirtear go forleathan gur rugadh Peadar sa bhliain 1792, ach áitíonn cúpla scoláire eile, Cooney (2014) ina measc, gur sa bhliain 1793 a tháinig sé ar an saol. Cloím le *c.*1792, ós é an dáta is coitianta é.

Seo na haoiseanna a thugann Peadar, na dátaí ar a dtugann sé iad, agus an réimse ama dá dháta breithe a bheadh intuigthe as gach ceann acu as a stuaim féin,

(1) **18 Feabhra 1828**, ‘an aois a shé mblíaghan déag *air* fhithchid’ = 36 bliana, OÉG H39(1), lch 106. **Tátal: 19/2/1791 – 18/2/1792.**

(2) **2 Lúnasa 1828**, 36 bliana, OÉG H39(2), lch 196. **Tátal: 3/8/1791 – 2/8/1792.**

(3) **3 Lúnasa 1829**, ‘In the thirty seventh year of his Age’ = 36 bliana d’aois, OÉG H39(1), taobh istigh den chlúdach tosaigh. **Tátal: 4/8/1792 – 3/8/1793.**

(4) **16 Meán Fómhair 1837**, ‘a náois a cheithre bliaghna air dhá fhithchid’ = 44 bliana, LN G200 (*a*), lch 12. **Tátal: 17/9/1792 – 16/9/1793.**

(5) **1 Lúnasa 1839**, ‘a náois a shé bliaghana air dhá fhithchid’ = 46 bliana, LN G200 (*a*), lch 140. **Tátal: 2/8/1792 – 1/8/1793.**

(6) **19 Lúnasa 1839**, ‘a náois a sheacht mblíadhna air dhá fhithchid’ = 47 mbliana, LN G200 (*a*), lch 162. **Tátal: 20/8/1791 – 19/8/1792.**

(7) **12 Meán Fómhair 1841**, 49 mbliana ‘go beacht’, DE Gen. 43D, lch 86. **Tátal: 13/9/1791 – 12/9/1792.**

(8) **3 Deireadh Fómhair 1841**, ‘an aois a naoi mblíaghna air dhá fhithchid’ = 49 mbliana. DE Gen. 43D, lch 111. **Tátal: 4/10/1791 – 3/10/1792.**

(9) **6 Deireadh Fómhair 1841**, ‘at the age of 49 years’ = 49 mbliana. DE Gen. 43D, lch 123. **Tátal: 7/10/1791 – 6/10/1792.**

(10) **10 Samhain 1841**, ‘ann aois a naoídh mblíaghna air dha fhithchid’ = 49 mbliana. DE Gen. 43D, lch 152. **Tátal: 11/11/1791 – 10/11/1792.**

(11) **30 Márta 1842**, ‘in the 50<sup>th</sup> year of his age’ = 49 mbliana. DE Gen. 43D, lch 258. **Tátal: 1/4/1792 – 30/3/1793.**

(12) **10 Feabhra 1844**, ‘ann aois a dheich mblíaghana air dhá fhithchid, lá Fhéil’ Peadair so chúaidh thort’, DE Gen. 43D, lch 701. **Tátal: 29/6/1792.**

(13) **[? 21 Feabhra 1845]**, ‘ann aois a cheithre mblíaghan déag *air* dhá fhithchid’ = 54 bliana, ARÉ 3B38 (251), lgh v, 307 (bileoga scaoilte ó ARÉ 24P20(3) (1072)—féach nóta 2647). **Tátal: 22/2/1790 – 21/2/1791.**

(14) **21 Meán Fómhair 1847**, ‘in the 55<sup>th</sup> year of his age’ = 54 bliana d’aois, ARÉ 23C1 (371), lch 21. **Tátal: 22/9/1792 – 21/9/1793.**

(15) **5 Samhain 1850**, 58 mbliana, CÓBAC F20(2), lch 159. **Tátal: 6/11/1791 – 5/11/1792.**

Mar gheall ar an easpa leanúnachais atá sna figiúirí seo, rud a thug Ó Buachalla (1968: 122 *n.21*) faoi deara, is fearr an tomhas a rinne Ó Buachalla é féin ar a dháta breithe anseo .i. 1792 nó 1793.

<sup>2664</sup> Is é ag trácht ar Bhaile Mhic Cathnain, deir Ó Tuathail (1925: 130) gur ‘native of this district’ é Peadar.

thaobh a athar agus a mháthar. Deir Dawson (1992: 16) gur dócha gur tháinig Peadar ar an saol i ‘mórcheantar Mhaigh nEalta thuaisceart na Mí’ agus ‘gurbh as an Chabhán a mhuintir ó dhúchas’. Is féidir gur rugadh Peadar i \*mBeithearnach [Beherna],<sup>2665</sup> ar údarás sheanchas O’Connell (1942: 305), agus toisc a choitianta atá an sloinne sa dúiche sin. Nó is féidir gur rugadh é i dtimpeallacht an bhaile mhóir, An Cabhán féin, gar do Shliabh gCleath, b’fhéidir, an dúiche ba threo dá mhuintir ar thaobh a athar. De réir mar a deir sé linn go minic, ba é seo a ghinealas: Peadar mac Phádraig mhic Lúcaís mhic Éamoinn mhic chSeagháin mhic Uilliam mhic Aindriais mhic Phádraig Uí Ghealacáin ‘o leithiomal an Chabháin, ag Slíabh cCleath, o aimsir Chogaidh Chrombhfail go ttí an t-am so’.<sup>2666</sup> Rinne O’Connell (1937: xlv) talamh slán de gurbh as paróiste \*Dhinn [Denn]<sup>2667</sup> do mhuintir Pheadair ar an mbonn sin, is dóigh. Is dearbh, beagnach, gurbh as Co. an Chabháin do mháthair Pheadair, Margaret ‘Peggy’ Williams (c.1759-1837), óir fuair sí bás i \*mBeithearnach [Beherna], agus adhlacadh í lena deirfiúr féin i Muintir Chonnacht, atá suite gar go leor do theorainn Cho. na Mí.<sup>2668</sup> Níl a dhath ar bith eolais ar fáil faoi athair Pheadair ach a ainm féin, agus a shinsir, ná faoi dheartháireacha ná dheirfiúracha Pheadair, má ba ann dóibh. Ba dhóigh le John McCall gur féidir gur dheirfiúr le Peadar í an ‘Mary Gallegan’ a n-úsáideadh Peadar a hainm mar ainm cleite, agus é ag cur giotáí chuig

<sup>2665</sup> Níl leagan deimhnithe Gaeilge den logainm sin ar fáil, ach is cosúil gur leagan iontaofa an ceann seo a thugtar thuas, ar údarás Sheáin Uí Dhonnabháin.

<sup>2666</sup> De réir a dtugtar in ARÉ 3B39 (250), laistigh den chlúdach tosaigh, an ginealach is iomláine atá againn, agus an ceann is mó úsáid i mbeathaisnéisí den sórt seo. Deir sé fosta go raibh ‘cuid da ttreibh ’na ccónaidh ansa tír sin fós’. Sa chóip den ghinealach atá i gcúl OÉG H38, lámhscríbhinn a dheisigh Peadar sa bhliain 1844, tugann sé a shinsir chomh fada siar leis an Uilliam thuas, ‘o Shliabh cCleath a bhfogus don cCabhan acht anois na [e]chomhnuigh a bparraiste Maghanalta ... 1844’. Chomh fada agus is eol dom, tá ginealas Pheadair le fáil i seacht lámhscríbhinn dá chuid: tá ARÉ 3B39 (250), laistigh den chlúdach tosaigh, 1848; DE Gen. 43D, lch 178, 1842; LN G809, lch 201, 1824; agus OÉG H38, taobh istigh den chlúdach cúil, gan dáta, áirithe ag Ó Buachalla (1968: 123 n.22). Tá ginealaigh eile in ARÉ 24P20(2) (1072), lch 151, 1824; COC M55 (55), lch 179a, 1825; agus LN G200 (a), lch 177, 1824.

<sup>2667</sup> Tugann an Brainse Logainmneacha an leagan neamhdheimhnithe \*Deinn [Denn], agus tá an fhoirm ‘tea’pull Dinn’ ar taifead sna Litreacha Suirbhéireachta do Cho. an Chabháin.

<sup>2668</sup> Féach nóta 2704 thíos.

na halmanaig i dtús a shaoil ón mbliain 1821 ar aghaidh,<sup>2669</sup> ach bhí iníon óg ag Peadar darbh ainm sin fosta. Cheap Eugene Guilford Finnerty (c.1815-1888), nach raibh ró-eolach maidir le gaolta Pheadair, caithfidh muid a admháil, go raibh neacht aige a mhair é.<sup>2670</sup> Is é an cuntas is mionsonraithe atá ar fáil faoi bhlianta luatha a shaoil an ceann a thug a iarua, Pat Galligan (mac Charles mhic Patrick [mhic Pheadair Uí Ghealacáin])<sup>2671</sup> in 1970, agus toisc go bhfuil cuma an chruinnis air, agus muid gan cuntas eile a sháródh é, is féidir a scéal faoin dóigh ar tharla muintir Ghealacáin i gCo. na Mí a thabhairt anseo,

Peadar Galligan, the poet, was my great-grandfather. They were evicted from somewhere around Cavan town in the early days and he came to Muintir Connaught. He was a gifted man from when he was a gasson. He used to be doing work for an old parish priest that was in Muintir Connaught and any education he got it was from this old priest he got it. He came to work for people by the name of Conlans in Maio and the next place he found himself was in Ardamagh where he started to teach school.<sup>2672</sup>

Chuala O’Connell (1942: 305) traidisiún gurbh éigean do chuid de mhuintir Ghealacáin an dúiche thart faoi \*Bheithearnach [Beherna], Co. an Chabháin, a thréigean toisc go raibh lámh acu i ndéanamh píceanna do na *croppies* ann le linn Réabhlóid na bliana 1798; agus tuairimíonn sé gur shíolraigh Peadar ó chraobh amháin nó eile díobh siúd a thug na cosa leo isteach i gCo. na Mí. Tá sé againn ó na lámhscríbhinní, ó thaifid riaracháin, is dóigh, agus ó thraidisiúin Pat Galligan gurbh í

---

<sup>2669</sup> Féach an cuntas seo a fuair Séamus Ó Casaide i stair lámhscríofa a chuir John McCall le chéile ar na halmanaig: ‘In 1821 for the first time I find his name and his sister’s, I suppose, Miss Mary Gallegan, in Jones’s Diaries’ (Ó Casaide 1939: 80). Féach Dawson (1992: 17). Tá mé suite de nach féidir glacadh leis gur dhuine fire í Mary Gallegan nó go dtiocfaidh faisnéis eile ina taobh chun solais.

<sup>2670</sup> Déantar plé ar Eugene Guilford Finnerty i nóta 2740. Féach an nóta a chuir sé le DE Gen. 43D thíos, áit a ndeir sé ‘his only living relative, a niece, since dead’. Ós rud é go raibh Finnerty in amhras faoin dáta a bhfuair sé na lámhscríbhinní ó Pheadar, agus gur shocraigh sé—má ba eisean a d’athraigh an dáta—ar an mbliain chontráilte 1863 (féach nóta 2739 thíos), caithfidh sé gur scríobh sé an giota seo i bhfad tar éis bhás Pheadair, agus roimh 1883, an bhliain ar thug sé DE Gen. 43D do Abercromby. Caithfidh sé go bhfuair an nia seo bás am éigin idir c.1860 agus 1883, mar sin, ach níl a fhios agam cérbh í, agus bhí gaolta eile le Peadar fós ina mbeatha sa dúiche.

<sup>2671</sup> Maidir leis seo, féach Aguisín 14 thíos.

<sup>2672</sup> Fitzsimons (1974: 204).

Sinéad Ní Thánaiste bean Pheadair. Jane Tennyson<sup>2673</sup> a bhí uirthi sa Bhéarla. Ó tharla nach dtosaíonn taifid bhaiste pharóiste Mhaigh nEalta go dtí an bhliain 1830, níl trácht iontu ar pháiste ar bith a rugadh do Pheadar Ó Gealacháin agus do Shinéad Ní Thánaiste. Is eol dúinn go raibh cúigear páistí—seisear, b'fhéidir—acu, ar a laghad.<sup>2674</sup> D'fhág Peadar nóta gearr againn in LN G809, c.1823, gur pósadh é ar oíche Dé Máirt éigin sa bhliain 1816, agus gur rugadh triúr iníonacha dá bhean sna blianta a lean sin, Mary Gallegan (1816–), Anne Gallegan (1819–), agus Peggy Gallegan (1823–).<sup>2675</sup> Is eol dúinn, ar ndóigh, gur rugadh beirt mhac do Pheadar agus do Shinéad ina dhiaidh sin, Peter Gallegan, Jr. (fl.1843-54),<sup>2676</sup> agus Patrick Galligan (c.1830-1902).<sup>2677</sup> Bhí Peter Gallegan, Jr. fásta aníos faoin mbliain 1854, nuair a bhí sé ag obair i mBéal Feirste, agus ag smaoinéamh ar dhul go Meiriceá; agus más ceart an fhaisnéis a thug Pat Galligan (1896–), garmhac Patrick Galligan (c.1830-1902), do Bhreandán Ó Buachalla, rugadh Patrick Galligan mac Pheadair Uí Ghealacháin thart faoin mbliain 1830. Is dóigh gurbh iníon eile le Peadar an Jane Gallegan ó Bhaile Mhic Cathnaoin a luaitear taobh le Peadar Ó Gealacháin agus baill eile den teaghlach i dtaifead dar dáta 1850, ó tharla go raibh Sinéad, bean Pheadair, marbh faoin am sin. Cibé rud é, thig linn a rá gur rugadh Peter agus Patrick [? agus Jane]

<sup>2673</sup> Chreid Pat Galligan gur athraigh cuid mhaith de mhuintir Tennyson a bhí sa dúiche thart ar Mhaigh nEalta a sloinne go Thompson [? sa 19ú hAois]. Féach Aguisín 14 thíos. Is annamh an sloinne é.

<sup>2674</sup> Féach, mar a thug Ó Buachalla (1968: 206 n.8) faoi deara, go gcuirtear i mbéal Pheadair in 'Fáilte Pheadair Uí Ghealacháin' go scríobhfadh sé 'ag an mnaoi is ag na páistí' (Ó Tuathail 1925: 122), agus go luaitear áit eile 'mo bhean is mo pháistí' is 'Sinéad is na páistí dá ngoradh fán ngríosai' (1925: 121). Féach fosta nótaí 2675, 2708 thíos.

<sup>2675</sup> Tá an nóta seo in LN G809, ag bun lch 770. Scríobhadh é faoi fhógra i dtaobh John McMahon ón \*Móta [Moat] i bparóiste na Cille Bige a fuair bás an 26 Meán Fómhair 1823,

Married on Tuesday night	1816
first Daughter Mary, born	1816
2 <sup>nd</sup> Daughter Anne, born	1819
3 <sup>rd</sup> Daughter Peggy, born	1823.

<sup>2676</sup> Tagraíonn Peadar Ó Gealacháin é féin dá mhac Peter, Jr. i litir, LN G702(20), mír 2, a scríobh sé an 12 Aibreán 1854 chuig Roibeard Mac Ádhaimh. Féach fosta an cuntas ar theaghlach Pheadair i gcorp an chuntais thuas; tugtar nótaí in Aguisín 14 thíos.

<sup>2677</sup> Déantar plé ar an mac seo, tharla gur caitheadh amhras roimhe seo ar an bpáirt a bhí aige le Peadar, in Aguisín 14 thíos.

idir na blianta 1823 agus 1830. Déanfar plé ar an taifead ina luaitear Jane agus baill eile den teaghlach ar ball. Síltear gur cailleadh Sinéad Ní Thánaiste idir 1844 agus 1850.<sup>2678</sup>

Tá taifid measartha cruinn againn ar ghnóithe Pheadair ón mbliain 1814 ar aghaidh, an bhliain ar thosaigh sé a theagasc, mar gheall ar thaifead a choinnigh sé ar na háiteacha a raibh scoil aige suas go dtí an bhliain 1823, lenar cuireadh iarscríbhinn in 1825 nó in 1826, is dóigh. Priontáladh na nótaí sin cúpla uair cheana féin, ach tá siad chomh luachmhar sin mar fhoinsé nach féidir neamart a dhéanamh díobh,

An exact account of the several places at which I've taught, together with the date, as follows.

On my first commencement, in Ardamagh at Francis Flood's house, on June 9<sup>th</sup>, 1814; next at Tom Lynch's, near the bog, on the first of February 1815. Then at P. Muldoon's, on May 1<sup>st</sup>, 1815; continued school until October 1816, left off. Then commenced at my own place in June 1817—2 Mo<sup>s</sup>. Then commenc<sup>d</sup> at Nancy Mc Mahon's, Dec<sup>r</sup> 9<sup>th</sup>, 1817. Continued there until May 1819. Then removed to Christopher Gearty's house on May the 6<sup>th</sup>, 1819. Continued until May 1<sup>st</sup>, 1820. Then removed to Owen Gearty's stable, on Monday, June 5, 1820. Continued until October following. Then commenc<sup>d</sup> at Pat Muldoon's, on Wednesday, Nov<sup>r</sup> 22<sup>nd</sup>, 1820. Contin<sup>d</sup> until 23<sup>rd</sup> of May 1821. Commenc<sup>d</sup> again at Widow Flood's, Ardamagh, on Thursday, May 24<sup>th</sup>, 1821. Continued until 23<sup>rd</sup> Oct<sup>r</sup> following; then commenc<sup>d</sup> at Hugh Tully's, Ardamagh, on Wednesday, December 12<sup>th</sup>, 1821, until May 1822. Then continued in Widow Flood's again from May 1<sup>st</sup>, 1822, until October following; then commenc<sup>d</sup> at P. Muldoon's on Thursday, January 2<sup>nd</sup>, 1823, until September 26<sup>th</sup>, 1823, at which time I have drawn a Memorandum of the above places, the time and date &c. Peter Gallegan.

After shutting up school at P. Muldoon's, Castlecom, September 26<sup>th</sup>, 1823, I had no school until February 1824. I set out for Michael Clarke's, Whitewood, and open<sup>d</sup> school at his place on [ ] February 1824. Continued no more than a fortnight until I shut up again. Then I had no school until the June following. I opened school at Owen Cassidy's house in Tamhas on Friday, 4<sup>th</sup> June 1824, and remained there until Sat., Oct<sup>r</sup> 4<sup>th</sup>, 1824, & then

---

<sup>2678</sup> Pléifear dáta báis Shinéad Ní Thánaiste mar chuid den chuntas ar an obair a rinne Peadar thart faoin mbliain 1850. Féach nóta 2708 thíos, áit a bhfaighfear tagairtí do thaifid riaracháin a ligeann dúinn a rá gur dóigh go raibh sí ina beatha sa bhliain 1844.

removed to Philip Cassidy, Monday, Oct<sup>r</sup> 4<sup>th</sup> [*sic*], 1824, & remained there until the 19<sup>th</sup> Oct<sup>r</sup>, & shut up school till Nov<sup>r</sup> 29<sup>th</sup>, and began again until the 13<sup>th</sup> of April 1825 & comm<sup>cd</sup> in Cruisietown, Monday, April 18<sup>th</sup>, 1825, for 12 Mo<sup>s</sup>.<sup>2679</sup>

Ba i rith na tréimhse sin, nuair a bhí sé ag teagasc ar áitreabh Pat Muldoon i gCaisleán Cam a scríobh sé na bloghanna Gaeilge is luaithe atá againn óna láimh in LN G809, lámhscríbhinn lenar chuir sé corr-rud ó am go chéile ina dhiaidh sin, an saothar is lú fiúntas agus úsáid dár scríobh sé, dar le hÉnri Ó Muirgheasa (1933: 9; 2015: xlii). Léirigh Dowling (1935: 61, 150) sa chuntas a scríobh sé ar an ábhar Béarla atá inti go dtugann LN G809 léargas thar a bheith luachmhar ar na nithe a bhíodh leithéidí Pheadair a theagasc; agus ar a múintí i scoileanna ‘scairte’ na tréimhse sin, más beacht an téarma é,

... [W]e find that he has written down in his own hand notes on the most up-to-date methods of teaching the ordinary school subjects ... and much information on various topics which showed that he kept well abreast of the times. ... There are extracts from English literature, prose and poetry, numerous Irish poems and translations from Irish ... translations of portions of Keating and long extracts from Leland’s ‘History of Ireland’. There are notes on geography, astronomy, mathematics and philosophy. Arithmetic gets a special mention: he gives short methods of calculation in the solution of arithmetical problems, and he spends some little space on the more popular side of the subject, golden number, magic squares, etc. ... Everything, indeed, that the needs of a village community would demand, and much that would add to its intellectual store.<sup>2680</sup>

I measc na n-iontrálacha Gaeilge is luaithe ó thaobh dáta atá sa lámhscríbhinn sin, tá cóip den amhrán ‘An Píopa Dubh’, atá chomh lag sin ó thaobh peannaireachta agus litrithe gur doiligh a chreidiúint gur scríobh Peadar í ar chor ar bith. Léiríonn an

---

<sup>2679</sup> LN G809, lch 789. Bunaíodh an chóip seo ar eagrán Morris (1928a: 169-70) agus Dowling (1935: 150-1) cuid mhaith, ach go bhfuil cúpla athrú déanta agam uirthi de réir léamha na lámhscríbhinne. Gheofar cuid den nóta céanna in Ó Casaide (1929a: 10-11), agus eagrán eile in O’Connell (1942: 307-9), Ó Buachalla (1969: 123-4), Dawson (1992: 20-1), Mac Gabhann (1994-5: 72), Cooney (2014: 365-6), Dawson (2014: 133-4), srl., srl. Níl aon eolas ar fáil faoin gcuid is mó de na daoine dá ndéantar tagairt anseo seachas Mícheál Ó Cléirigh agus Philip Ó Caiside (*qq.v.*). B’fhéidir go raibh páirt ag Philip le Owen Cassidy.

<sup>2680</sup> Dowling (1935: 61, 150); féach na tagairtí in Cooney (2014: 372).



chóip den Phaidir agus ábhar eile a ghráf Peadar ar an 1 Meán Fómhair 1823, nuair a bhí sé ag teagasc i gCaisleán Cam, go raibh sé tar éis an chéad stíl pheannaireachta a cheadaigh sé anuas go dtí 1826-7 a fhorbairt faoin am sin,<sup>2681</sup> agus go raibh aithne aige ar Mhícheál Ó Cléirigh (*q.v.*), a chuir tomhas chuige an lá céanna.<sup>2682</sup> Choinnigh Peadar air ag scríobh LN G809 i míonna luatha na bliana 1824, agus tá, den chéad uair, ábhar Gaeilge chun tosaigh sa lámhscríbhinn anois.

De bhreis ar bhailiú dánta agus amhrán,<sup>2683</sup> thosaigh Peadar a scríobh lámhscríbhinne eile ar an 5 Meán Fómhair 1824,<sup>2684</sup> agus tá againn blogh de lámhscríbhinn eile a chuir sé ar bun ar an 27 Nollaig 1824,<sup>2685</sup> nuair a bhí scoil aige i dteach Philip Uí Chaiside i dTamhas. Nuair a bailíodh na sonraí faoi choinne *Thuarascáil* 1824, 732-2, bhí 42 dhalta á dteagasc ag Peadar sa bhaile fearainn sin (de Brún 2009: 259). Ba i rith na tréimhse a chaith sé ag teagasc i dteach Philip, glactar leis,<sup>2686</sup> am éigin idir mí na Nollag 1824 agus mí Feabhra 1825, a thuill sé a chéad tuarastal ón *Irish Society*. Múinteoir eile de chuid an chumainn ab ea Philip, agus fuair an bheirt acu íocaíocht ón gcumann don ráithe dar chríoch mí Feabhra 1825 (de Brún 2009: 258). Bhí scoil ag Peadar i dTamhas go dtí an 13 Aibreán 1825. Níorbh aon am amú é ó thaobh dhéanamh na lámhscríbhinní de, óir thosaigh sé ar sheanlámhscríbhinn a chóipeáil, lámhscríbhinn ar a dtugtar LB Add. 40766 anois, agus a grafadh ag

---

<sup>2681</sup> LN G809, lch 289. Cuireadh an leathanach seo i gcló mar phláta in Cooney (2014: 378).

<sup>2682</sup> LN G809, lch 666. I gcló in Ó Buachalla (1968: 127-8).

<sup>2683</sup> Tá cúpla iontráil in C Add. 6563 (42) aige a scríobhadh sa dara leath den bhliain 1824; féach C Add. 6563 (42), ff. 28v, 32v, agus Aguisín 13.

<sup>2684</sup> ARÉ 24P20(2) (1072), lch 151.

<sup>2685</sup> LN G200 (*a*), lgh 177-8.

<sup>2686</sup> Tugann sé dhá sheoladh ar leith—Tamhas agus Caisleán Cam—in COC M55 (55), a cóipeáladh le linn dó a bheith ag múineadh daltaí i dteach Philip Uí Chaiside. Is dóigh go raibh teach (scoile) Philip Uí Chaiside suite i dTamhas óir luann Peadar Caisleán Cam i gcuid mhaith colafon sular thosaigh sé a obair i dteach Philip, agus ní luann sé Tamhas ach sa tréimhse nuair a bhí a scoil lonnaithe i dteach Philip Uí Chaiside nó Owen Cassidy. Tugtar ‘Tavis’ (Tamhas) mar ionad cónaithe do ‘P. Cassidy’ sna liostaí sintiúsóirí atá le *Man’s Final End* (1824) agus *Ireland’s Dirge* (1827).

Tá sé ar taifead i *Leabhar Deachúnaithe Chill Bhríde* (1825) go raibh ‘Widow & Peter Galligan’ ina n-áititheoirí ar phíosa talún deich n-acra, ach ní gá gurb iad an scríobhaí agus a mháthair iad. Ní dóigh liom go raibh Peadar chomh saibhir sin riamh, agus níl aon eolas agam a ligfeadh dúinn a rá go raibh cónaí ar Peggy Williams, máthair Pheadair Uí Ghealacáin, i gCo. na Mí riamh.

deireadh na 17ú hAoise. Bhí LB Add. 40766 á babhtáil idir baill éagsúla de theaghlach Philip ar feadh tamaill roimhe sin;<sup>2687</sup> agus tosaíodh ar chóip Pheadair, COC M55 (55), a scríobh go gairid roimh an 20 Eanáir 1825. Leanadh dá hathscríobh ‘almost incessantly’ ar feadh trí mhí go Luan na Cásca, an 4 Aibreán 1825, cé go n-áitíonn Peadar é féin i meabhrúchán déanach a chuir sé leis an lámhscríbhinn gur scoir sé den scríobh ar an 11 Aibreán 1825.<sup>2688</sup> Le linn dó a bheith ag cóipeáil na lámhscríbhinne seo, d’fhill sé ar lámhscríbhinn eile, ARÉ 24P20(2) (1072), ar chuir sé tús léi an bhliain roimhe sin, le cóip de ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’ a bhreacadh inti.<sup>2689</sup> Scríobh Philip Ó Caiside an scéal céanna isteach in LB Add. 40766 sa bhliain 1784. Dhealródh sé gurbh é modh oibre Pheadair dul ó ábhar go chéile de shíor, agus níor leasc leis téacsanna breise ná ceartúcháin a chur lena chuid lámhscríbhinní féin, nó luathiarraictaí drochscríofa garbha a bhaint astu, sa dóigh go raibh sé á gceartú agus á bhfeabhsú ar feadh a shaoil.<sup>2690</sup> Ba mhinic a chuireadh sé lámhscríbhinní luatha i gceangal le cóipeanna a bhí sé díreach tar éis a ghráfadh, maille le ‘clár innsigh’ agus ríomhadh nua leathanach. Murab ionann agus ARÉ 24P20(2) (1072), scríobhadh COC M55 (55) sa script rómhánach, ní a thugann le fios dúinn, b’fhéidir, nach lámhscríbhinn fhoirfe í ach gur dréacht í. Más fíor sin, is dóigh nár ghráf Peadar COC M55 (55) dá úsáid féin go speisialta, tharla go n-

---

<sup>2687</sup> Luaigh Ní Mhunghaile (2014: 115) cheana go raibh Peadar ag teagasc i dteach Philip go gairid sular thosaigh sé a chóipeáil ábhair ó LB Add. 40766. Is féidir linn a bheith cinnte go raibh sé ag baint úsáid as LB Add. 40766 toisc go bhfuil thart ar na téacsanna cuid de na crosa úd a d’úsáideadh Peadar mar mharcanna cóipeála. Tá cuid díobh infheicthe sa phláta a foilsíodh as an lámhscríbhinn seo sa *B.M. Cat.*, iii, pláta XVIII. Tchífeair na crosa céanna ar dhá lámhscríbhinn eile a d’úsáid Peadar, ARÉ 3C4ii (1019) agus MN B1. Tugtar beagán eolais fúthu i nótaí 2133, 2727.

<sup>2688</sup> Féach an cuntas ar Philip Ó Caiside i gCaib. 2.120 thuas, nóta 2142 ach go mórmhór.

<sup>2689</sup> Lch 165. Tá an 30 Eanáir 1825 mar dháta scríofa aige faoin téacs ar lch 194.

<sup>2690</sup> Mar a tugadh faoi deara cúpla uair; tá neart eolais ar struchtúr C Add. 6563 (42) in de Brún & Herbert (1986: 88 col. b – 89 col. b). Féach fosta Dawson (1992: 50-2). Tharraing Watson (1979: 107 n.1) aird air go raibh cóip eile de ‘Mac na Míchomhairle’ in ARÉ 24P20(2) (1072), lch 160, a shrac Peadar Ó Gealacáin é féin as an leabhar ‘as I have two copies of it already’.

iarrann sé orainn guí ar an ‘scribhneóir súarach’ áit amháin.<sup>2691</sup> Cúig lá tar éis dó an lámhscríbhinn a chríochnú, dhruid sé an scoil, agus thosaigh sé a theagasc arís, mar is léir óna liosta féin, i mBaile Chrúis sa chomharsanacht sin ar an 18 Aibreán 1825. Ba dhóigh leis an uair sin go mbeadh sé ann go ceann bliana; is dócha gur éirigh go maith leis, óir deir sé i lámhscríbhinn dá chuid go raibh sé á scríobh i dteach scoile Bhaile Chrúis ar an 8 Meitheamh 1826,<sup>2692</sup> agus bhí sé fós ann, nó sa bhaile fearainn, ar an 13 Iúil 1826.<sup>2693</sup> Díoladh leis as ranganna a mhúineadh ar son an *Irish Society* gach ráithe ó mhí Feabhra 1825 go mí na Bealtaine 1827 (de Brún 2009: 258). Bliain thar a bheith bisiúil a bhí in 1826 ar bhealaí eile; cuireadh an dara cuid de ARÉ 24P20 (1072) i gcrích an bhliain sin, agus bhí Peadar ag breacadh síos téacsanna go háitiúil.<sup>2694</sup>

Agus é fós ag fáil díolaíocht ón *Irish Society*, is dóigh, toghadh é mar bhall den choiste ceapachán nuair a ritheadh rúin Dhún an Rí ar an 5 Meán Fómhair 1827. Is soiléir nach raibh Peadar i láthair ag an gcrúinniú, óir níor chuir sé a ainm leis an liosta sínitheoirí, ach shínigh sé rud eile ar fad ar an 12 Meán Fómhair 1827, dearbhú oifigiúil ina n-áitíonn sé nár thug sé cead do lucht déanta na rún sin a ainm a cheangal leis an gcoiste. Dheimhnigh sé fosta nach raibh sé ar intinn aige iompú ón gcreideamh Caitliceach, agus gurbh ar mhaithe leis an airgead féin a bhí sé ag obair don *Irish Society* toisc a bhoichte a bhí sé, rud ab ábhar míshásaimh dó.<sup>2695</sup> Shínigh sé an fhoirm i láthair Peter Cassidy agus an Ath. Patrick Kiernan, agus foilsíodh í sna páipéir (de Brún 2009: 259), rud a mhíníonn go maith, mar a dúirt an iliomad údar

---

<sup>2691</sup> COC M55 (55), lch 111. Tugtar an nóta in Ó Conchúir (1991: 136). Féach fosta, áfach, an nóta in ARÉ 24P20(2) (1072), lch 250, ‘Airna scríobha go súarach a mBaile Chrúis’, rud a scríobh sé ar an 9 Feabhra 1826. Bhí Philip Ó Caiside ceannúil ar an bhfrása seo fosta; féach OB G2, lch 64.

<sup>2692</sup> C Add. 6563 (42), f. 62v; féach Aguisín 13.

<sup>2693</sup> C Add. 6563 (42), f. 79v; féach Aguisín 13.

<sup>2694</sup> Maidir leis na dátaí atá in ARÉ 24P20 (1072), féach faoi na blianta 1824-6, 1845-6 in Aguisín 13. Fuair sé giotáí ó Patrick Bird, an 8 Meitheamh 1826 (féach nóta 2700); agus ó Philip Ó Caiside (*q.v.*), an 13 Iúil 1826.

<sup>2695</sup> Féach de Brún (2009: 259).

eile, an fáth a scríobhadh Peadar go rialta ina chuid lámhscríbhinní gur bhall den Eaglais Chaitliceach é, rud a dhéanann sé den chéad uair, go bhfios dom, sa bhliain 1827.<sup>2696</sup>

Ón 24 Samhain 1827 ar aghaidh, agus tríd an mbliain ina dhiaidh sin, luigh Peadar isteach ar chóip de MN B1<sup>2697</sup> a dhéanamh, rud a cheangail sé ar an 3 Lúnasa 1829, nuair a bhí sé 36 bliana d’aois, de réir a thuisceana féin.<sup>2698</sup> Grafadh an chuid is mó de LN G200 (*a*) i rith na bliana 1828; bhí an stíl pheannaireachta a cheadaigh sé sna lámhscríbhinní déanacha forbartha aige, nó geall leis, faoin am sin,<sup>2699</sup> agus feabhas nár bheag tagtha ar a chumas litrithe fosta. Ní hamháin déantús na lámhscríbhinní a bhí ar bun aige an bhliain sin, ach bailiú ábhar fosta, ó fhoinsí scríofa agus béil.

Taispeánann na dréachtaí a scríobh sé isteach in C Add. 6563 (42) an bhliain sin go raibh sé ag scríobh síos dánta agus amhrán ó aithris daoine áitiúla, agus ceann acu ó bhéalaithris Patrick Bird éigin, rud a scríobhadh i mBaile Mhic Cathnaoin.<sup>2700</sup> Ba é an duine céanna é, b’fhéidir, agus an seanfhear, ——— Bird, a raibh cónaí air i dteach Pheadair thart ar an am seo, mar a thuigfí ón eachtra bheag seo atá scríofa ar bhileog scaoilte atá istigh le LN G809. Cibé acu a lig Peadar cuid dá theach ar lóistín le pingíní breise a thuilleamh, nó a thug sé ceathrú don seanfhear ní léir.

A certain old man of the name of Bird having been lodg’d one night in my house, and he having an occasion to rise before day, to draw water, he went from his bed towards the door, with an intent to discharge it out, but the poor man being old and weak, happen<sup>d</sup> to slip his foot of [*sic*] a stone near the door, and struck his face on the corner of a stone, which projected itself out

---

<sup>2696</sup> Féach an nóta uaidh in OÉG H4, a bhfuil cóip de in Ó Buachalla (1968: 279).

<sup>2697</sup> Is í OÉG H39 cóip Pheadair Uí Ghealacáin. Féach an cuntas ar Pheadar Ó Doirín i gCaib. 2.149 thuas, áit ar pléadh MN B1.

<sup>2698</sup> OÉG H39(1), taobh istigh den chlúdach tosaigh; féach nóta 2663 thuas.

<sup>2699</sup> Féach nóta 2638 thuas.

<sup>2700</sup> Fuair sé dhá pháosa ó bhéalaithris Patrick Bird, ceann acu i dteach scoile Bhaile Crúis ar an 8 Meitheamh 1826 (C Add. 6563 (42), f. 62v), agus ceann eile i mBaile Mhic Cathnaoin ar an 5 Meitheamh 1828 (f. 87v).

of the wall, and cut him dangerously on the forehead; and relating his disaster in the morning to me and the family, I gave him the following advice.

Na téigh 'ann a' dorais a mhún,  
's na tuit dod' d[h]eóin go réidh;  
ach seas thusa súas annsa cclúid  
7 steall annsa lúaithe úait é.<sup>2701</sup>

Dheisigh sé OÉG H4 ar an 30 Meán Fómhair 1827, agus chuir sé clúdach úr uirthi, díreach mar a rinne sé le OÉG H39 ar an 3 Lúnasa 1829, mar a dúradh cheana. Ón lá sin ar aghaidh, níl píosa scríbhneoireachta againn óna lámh go dtí an 16 Meán Fómhair 1837, nuair ba dhóigh leis go raibh sé 44 bliana d'aois.<sup>2702</sup> Is eol dúinn go raibh sé ag múineadh scoile i mBaile Mhic Cathnaoin ina theach féin nuair a cuireadh *Tuarascáil* 1834, 132a, le chéile, agus é ag tuilleamh idir £8 agus £10 sa bhliain sin; agus gur chum sé mairgne ar Bhidí Nic Con Rubha, bean Aodha Mhic Dhomhnaill [2], a fuair bás an 14 Nollaig 1836.<sup>2703</sup>

Tá cúpla píosa sa chéad lámhscríbhinn eile, LN G200 (*a*), a scríobh sé idir an 16 Meán Fómhair 1837 agus an 27 Meán Fómhair 1837, thart ar an am ar cailleadh a mháthair, Peggy Williams. Fuair sí bás i \*mBeithearnach [Beherna] ag 2 a chlog ar maidin, ar an 8 Meán Fómhair 1837, agus í thart ar 78 mbliana d'aois.<sup>2704</sup> Adhlacadh

---

<sup>2701</sup> LN G809, idir lgh 48, 49, blogh (*d*). Tugtar 'Comhairle Pheada[i]r [Θ] Uí G[h]ealacann' ar an bpíosa ag an mbun. Cé gur scríobhadh an leabhar seo idir 1822 agus 1825, is dóigh liom gur scríobhadh an píosa seo, atá ar ghiota páipéir, in 1828 ar a luaithe, toisc go bhfuil sí scríofa i bpeannaireacht dhéanach fhorbartha Pheadair Uí Ghealacáin. Chuaigh sé siar ar an téacs cúpla uair á cheartú, ionann is go raibh sé ag súil lena insint ar an scéal a bheith foirfe.

<sup>2702</sup> LN G200 (*a*), lch 12.

<sup>2703</sup> Féach nóta 1411 thuas.

<sup>2704</sup> Tá fógra a báis in dhá lámhscríbhinn de chuid Pheadair, DE Gen. 43D agus LN G809. Tá sé i gcló in Ó Tuathail (1932: 533) ón gcóip atá in DE Gen. 43D, lch 416, '... my Aunt, Mary Williams ... lived until the year 1829 and on the [ ]th of December, of this last Date, she departed this life, aged 81 years. I cannot ascertain my mother's age. She was called Margaret Williams. She departed this life on Friday \morning about 2 o'clock/, the 8th of September, 1837, \surviving her sister nearly 8 years/, and is interred along with my aunt in one grave in the Church Yard of Monterconnaught, County of Cavan, and my Aunt's daughter, Anne Cunningham, is buried with them. She departed this life, October the 1st, 1842'. Tá breis eolais sa chóip eile den nóta seo atá in LN G809, lch 838, áit a dtuairimíonn Peadar Ó Gealacáin go raibh a mháthair tuairim is 78 mbliana d'aois nuair a fuair sí bás,

í lena deirfiúr, Mary Williams (c.1748-1829), i Muintir Chonnacht, Co. an Chabháin. Scríobhadh mórchuid LN G200 (a) in 1839—laoithe agus scéal próis atá sa mhéid di a cóipeáladh an bhliain sin. Tharraing cúpla scríbhneoir aird ar an mbearna seo ocht mbliana atá le brath ar a chuid scríbhinní, tharla go raibh sé iontach bisiúil sna tréimhsí roimh agus i ndiaidh na bearna seo, ó 1822 go 1829, agus ó 1837 go 1854. Mheas Ní Uallacháin (2003: 26 n.20)—agus is spéisiúil an teoiric í—gurbh í conspóid an *Irish Society* ba cheannfháth leis an easpa lámhscríbhinní atá againn ó chuid de na scríobhaithe a bhí ag obair suas go dtí c.1828, agus luann sí bearna mhór i lámhscríbhinní Airt Mhic Bhionaid mar thacú lena tuairim. Níl lámhscríbhinn ar bith againn, mar a dúradh cheana, ó láimh Pheadair don tréimhse idir an 3 Lúnasa 1829<sup>2705</sup> agus an 16 Meán Fómhair 1837.<sup>2706</sup> Thiocfadh sé sin leis na tréithe atá le sonrú i ndátaí oibre scríobhaithe eile de chuid na 19ú hAoise a raibh ceangal acu leis an gcumann sin: Art Mhac Bionaid, mar a dúradh thuas; Pádraig Mhac Gatháin, agus eile; nó is féidir go bhfuil míniú thar a bheith simplí air seo, gur cailleadh na lámhscríbhinní a chuir Peadar le chéile sna blianta sin. Má dhearcann muid ar ar tháinig slán dá chuid lámhscríbhinní ar an móróir, tuigfear gur beag dá chnuasach príobháideach atá againn, agus tá a fhios againn go raibh sé ag cumadh filíochta i nGaeilge agus i mBéarla sna 1830í. Ón 10 Lúnasa 1841 ar aghaidh, ar feadh dhá

---

<13.> My belov<sup>d</sup> Mother, Peggy Williams, departed <t>his life, in Behernagh, Co. of Cavan, about 2 O'Clock <on> Friday, Sep. 8<sup>th</sup> 1837, aged about 78 <sup>ys</sup>. Anne Cunningham, daughter to the aforesaid Mary Williams (my Aunt) died Oct. 1<sup>st</sup> 1842. God be good to their souls.

Tugtar an nóta thuas in Cooney (2014: 377) fosta. Ba dhearmad d'Ó Tuathail (1932: 533) an 8 Nollaig 1837 a thabhairt mar dháta báis Margaret Williams, óir tugann Peadar Ó Gealacháin an 8 Meán Fómhair 1837 in DE Gen. 43D agus in LN G809. Tugtar dhá fhógra spéisiúla eile in LN G809, lch 588,

7. Joe Tennyson's Wife, Mary Smith, Cainstown, departed this life, on Monday evening, June 27<sup>th</sup> 1825. Interred in Kilmainham y<sup>d</sup>, about 67.

8. My Aunt, Mary Williams, Behernagh, departed this life, on Thursday evening, Dec. 17<sup>th</sup> 1829. Was interred in Munterconnaught yard, Age 80. May the Lord have mercy on her soul.

Is í aintín Pheadair atá i gceist i bhfógra uimh. 8, ar ndóigh, ach ní fios faoi Mary Tennyson (iníon Smyth). Bhí sí ar comhaois le máthair Pheadair, agus is féidir, ó tharla go raibh cónaí ar Joe Tennyson agus Mary Smyth i mBaile Mhic Cathnaoin, gurb iad tuismitheoirí Shinéad Ní Thánaiste iad.

<sup>2705</sup> OÉG H39(1), taobh istigh den chlúdach tosaigh.

<sup>2706</sup> LN G200 (a), lch 1.

bhliain go leith—go dtí mí Feabhra 1844—chaith sé neart ama ag grafadh na lámhscríbhinne is tábhachtaí dár chuir sé le chéile riamh, go bhfios dúinn, DE Gen. 43D. Leabhar mór toirtiúil 722 leathanach is ea í DE Gen. 43D, ina bhfuil dánta agus amhráin áitiúla, agus gan fáil ar chuid mhór acu i bhfoinse thraidisiúnta eile. Is beag nár cuireadh iomlán an leabhair úd de chuid Énrí Uí Mhuirgheasa, *Amhráin na Midhe* (1933), i gcló as an lámhscríbhinn mhór seo, agus bhraith Laoide (1914: 121) go mór ar lámhscríbhinní eile de chuid Pheadair fosta agus é ag cur *Duanaire na Midhe* (1914) in eagar. Ba ar a chostas féin a scríobh Peadar DE Gen. 43D, agus bhí sé mór aisti go dearfa, mar a léiríonn an colafon úd a chuir sé léi, agus a cuireadh i gcló na scórtha uair roimhe seo:

Now, my dear Reader, I will shortly terminate my long and laborious task ... this manuscript, which, if preserved, will be a memorial for ages.

... [T]his large, and Comprehensive Manuscript, which is lengthened to 722 Pages, including the leaves of the Contents, in the beginning of the Book, making in all about 4 Quires of paper in octavo, or eight leaves in a sheet of Folio. The transcription of it commenced on the 10<sup>th</sup> August, 1841, and was completely finished on the 10<sup>th</sup> February, 1844, a period of 2½ years, at intervals, that the writing of it cost. And what a vast quantity of ink and pens have been used in the work, together with the price of candles in the winter season. Therefore, to value all the labour attending it, [it] has been truly & correctly estimated that the MS. is ... worth 5£ ster<sup>l</sup> if it ever be sold, which I believe it will not, as it is a most valuable Collection, containing more or less of the Productions of all the principal Irish Bards ...

A léightheóir ghráidh! tráth cíghfeas tú mo rann,  
bíodh d’urnnaidh chráibhtheach, pháirteach, ann do cheann;  
Más nídh go bhfuil mé sínte síos a ccré,  
le m’anam a shábhail, guidh do ghnáth mac Dé;  
ná más nídh go maiream, bíodh d’ac(h)mhuinne go tréan,  
fá mé bheith sáogh’lach, le gach síoth, ’gus séun.

Peadar Úa Gealachán. ...

Beannacht len' anam go Caithir na Glóire, óir b'ait leis go dearbhtha dántaidh 'gus ceóltaidh.<sup>2707</sup>

Thug Brian Ó Tomaltaigh (*q.v.*) ó Dhroichead Átha faoi deara lámhscríbhinn, ARÉ 3C4i (a) (1018), a scríobh i bhFómhar na bliana 1843, agus ceapadh Peadar ina scríobhaí aige. Dealraíonn sé nach bhfuil againn ach beagán dár ghraf Peadar dó, agus is é an 4 Meán Fómhair 1843 an dáta is luaithe ar na dréachtaí atá ann go fóill. Is féidir, ámh, go raibh Peadar i nDroichead Átha roimhe seo, óir nuair a tharla easaontas de chineál éigin idir a chlann agus duine de na comharsana, Rose Sheridan, i mBaile Mhic Cathnaoin, ní raibh Peadar ar na baill dá theaghlach a d'fhreastail ar na *Petty Sessions*<sup>2708</sup> ar an 31 Lúnasa 1843 leis an scéal a mhíniú. Cé nach bhfuil i gceist sna taifid seo ach argóintí beaga nach bhféadfaí a thógáil ar mhuintir

<sup>2707</sup> DE Gen. 43D, lgh 697-8, 701. Tugtar catalóg de na húdair a bhfuil saothair leo in DE Gen. 43D ar lgh 699-700. Tá sleachta níos iomláine as an téacs in Morris (1928a: 172-3), Dawson (1992: 30), agus eile.

<sup>2708</sup> Tá na taifid bhailí i leabhair na *Petty Sessions*, CN CSPA 3/060, 3/061. Is d'argóintí beaga suaracha idir clann Pheadair agus a gcomharsana a thagraíonn na taifid seo, agus is beag locht a fuarthas air iontu. Ar dhá thaobh na hargóna a bhíonn siad, ag brath ar an taifead. Cé nach bhfuil rud ar bith iontu a bhainfeadh de chlú Pheadair, a chlainne, ná a gcomharsan, tá sé chomh maith againn caitheamh leo go fiúntach i gcónaí, díreach mar a dhéanfaí le taifid leighis, cibé acu taifid reatha nó stairiúla iad, agus ní thugaim anseo ach an t-eolas atá bainteach lena bhfuil idir lámha againn .i. eolas breise a thabhairt ar Pheadair agus a chlann. Seo liosta de lucht an teaghlaigh mar a luaitear iad ar na dátaí cuí, áit a bhfuil níos mó ná ball amháin den teaghlach luaite sa taifead. Tabhair faoi deara go n-úsáidtear an litriú Galligan i gcónaí. Tugtar dhá dháta sna taifid, an lá ar cuireadh na seisiúin ar siúl, agus an lá a bhfuarthas an t-eolas.

Dáta:	31/8/1843	14/9/1843 (2)	24/10/1844	24/4/1845	4/7/1850
Eolas:	17/8/1843	17/8/1843 7/9/1843	3/10/1844	21/4/1845	20/6/1850
	—	Peter	Peter	Peter	Peter
	Jane	Jane	Jane	Jane	—
	Margt	Margt	—	Margret	—
	Peter, Junr.	Peter, Junr.	—	—	—
	—	—	—	Ann	—
	Patt	Patt	—	Patt	Patt

Luaitear Jane Galligan ó Bhaile Mhic Cathnaoin don uair dheireanach sa bhliain 1850.

Tugann Ó Casaide (1939: 84) dhá shliocht eile as leabhair na *Petty Sessions*, tagairt do Margaret Gallegan ó Bhaile Mhic Cathnaoin a chuir i leith a fostóra i mí Lúnasa 1837 nár dhíol sé léi as a cuid oibre. Thug Jane Gallegan faisnéis. Ba dhóigh le hÓ Casaide (1939: 84) gurbh iníon le Peadar í Margaret agus gurbh í Sinéad Ní Thánaiste an Jane Gallegan a luaitear sa taifead, agus is dóigh go raibh sé ceart, óir fuair máthair Pheadair bás i \*mBeithearnach [Beherna], Co. an Chabháin, an mhí ina dhiaidh sin. I mí Lúnasa 1840, luaitear Peter Gallegan ó Bhaile Mhic Cathnaoin nár tugadh tuarastal 1/6 dó. Tuairimíonn Ó Casaide (1939: 84) gurb é Peter Gallegan, Jr. atá i gceist sa taifead. Is féidir é, ach d'fhéadfadh Peadar Ó Gealacáin a bheith i gceist ann.



Ghealacáin, tá luach ar leith ag baint leo, mar tugann siad sórt daonáirimh de theaghlach Pheadair, mar a bhí sé sna 1840í:

Peter Galligan,

Jane Galligan,

Margaret Galligan,

Peter Galligan, Junr.,

Patt Galligan,

Ann Galligan,

[? Jane Galligan eile].

Mar gheall ar an ord ina luaitear lucht an teaghlaigh sna taifid, is é is dóichí gurb í bean Pheadair í an Jane Galligan sa dara háit ar an liosta thuas seachas iníon eile leo, óir bíonn a hainm i dtús áite sna taifid nuair nach mbíonn Peadar ann, nó bíonn sí go díreach ina dhiaidh; agus is eol dúinn go raibh sí beo nuair a chuaigh Peadar go Béal Feirste. Margaret a bhí ar mháthair Pheadair, cinnte, ach bhí sí marbh cuid mhaith blianta an tráth seo: is í iníon Pheadair atá i gceist anseo, glacaim leis. Is éard atá againn anseo, ar scáth na dtagairtí eile a d'fhág Peadar ina dhiaidh, liosta de lucht an teaghlaigh, iad siúd a bhí breis agus 15 bliana d'aois, abraimis, sna 1840í.

Ní sásta ach oiread a bhí Brian Ó Tomaltaigh le lámhscríbhinn Pheadair, ARÉ 3C4i (a) (1018), agus chuaigh sé siar ar chuid mhaith di, ag cur ceartúchán agus gluaiseanna léi.<sup>2709</sup> Rinne sé casaoid faoi earráidí i scríbhinní Pheadair i litir a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 5 Samhain 1844, agus mhol sé dó

---

<sup>2709</sup> Níl sna ceartúcháin, de ghnáth, ach léamha eile, agus ní haon drochléiriú iad ar obair Pheadair Uí Ghealacáin.

Nioclás Ó Cearnaigh a fhostú ina áit,<sup>2710</sup> cé gur tharraing Nioclás Ó Cearnaigh é féin go mór ar an scríbhinn chéanna dhá bhliain ina dhiaidh sin.<sup>2711</sup> Cé nach raibh Brian Ó Tomaltaigh an-mholtach faoi, níor scaoil sé le Peadar go hiomlán, nó bhí Peadar ag grafadh téacsanna dó go dtí an bhliain 1851 ar a laghad.<sup>2712</sup> Bhain Peadar úsáid as an gnuasach príobháideach lámhscríbhinní a bhí ag Brian Ó Tomaltaigh é féin, agus chóipeáil sé cuid mhór de ARÉ 3C4ii (1019), ar scríobhadh na codanna Gaeilge di i bParóiste Pheadair, Droichead Átha, idir 1808 agus 1809, isteach i lámhscríbhinn dá chuid féin, ARÉ 3B39 (250). Bhí Peadar ag obair ar ARÉ 3B39 (250) chomh luath leis an 13 Feabhra 1847, agus scoir sé dá scríobh ar an 4 Samhain 1848.<sup>2713</sup> Is féidir go raibh Peadar ag tarraingt ar dhréachtaí a rinne sé cúpla bliain roimhe sin (nach bhfuil ann) ó lámhscríbhinní Bhriain Uí Thomaltaigh, tharla nach léir go ndearna sé

<sup>2710</sup> LN G702(6), mír 2. Brian Ó Tomaltaigh chuig Roibeard Mac Ádhaimh, 5-6 Samhain 1844. Tá cóip di in eagar ag Séamus P. Ó Mórdha (1958c: 171): ‘Mr. Nicholas Carney who was secretary to the Drogheda Celtic Society is at present in a situation in Dublin. ... He could prepare your manuscripts for the press. Except they pass the ordeal of his judgment they will not be fit to meet the public eye. I allude to the works which you received from Mr Gallegan. You may perceive that they are full of errors’.

<sup>2711</sup> Féach na téacsanna in ARÉ 23E12 (769), lgh 37 [= ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 46v], 39 [= f. 8], 41, 42 [= f. 9], 43 [= f. 10v], 44 [= f. 11], 46 [= f. 12v], 47 [= ff. 7v, 22], 49 [= f. 10], 51 [= f. 13], 53 [= f. 15v], 55 [= f. 16], 57 [= f. 16v], 58 [= f. 18], 59 [= f. 19], 61 [= f. 19a], 63 [= f. 19av], 64 [= f. 20], 67 [= f. 21v], 68 [= f. 22v], 69 [= f. 23], 71 [= f. 23v], 72 [= f. 25], 74 [= f. 32a], 76 [= f. 35v], 82 [= f. 27], 83 [= f. 27], 84 [= f. 27v], 86 [= f. 17], 91 [= f. 19v], 114 [= f. 26], 117 [= f. 4], 119 [= f. 5v], 121 [= f. 6], 122 [= f. 2], 124 [= f. 2v], 127 [= f. 24]. Is féidir go dtugann seo léargas éigin dúinn ar an ord ina raibh na duilleoga in ARÉ 3C4i (a) (1018) seal. Maidir le lch 54a, ar gearrhóg é, féach an liosta de scríbhinní Pheadair Uí Ghealacáin ag tús an chuntais thuas.

<sup>2712</sup> Maidir leis na dátaí atá ar a bhfuil againn dár scríobh Peadar do Bhrian Ó Tomaltaigh, féach nóta 2643. Scríobh Peadar Ó Gealacáin ábhar do J. T. Rowland ó Dhroichead Átha idir na blianta 1850 agus 1851; féach COBÁC F20 sa liosta lámhscríbhinní thuas. Tá bileog scaoilte i láimh Pheadair in ARÉ 3C4i (a) (1018) ar a bhfuil scríofa cóip de ‘Aisling Shéamuis Mhic Cuarta’, an chóip ónar chuir Brian Ó Tomaltaigh é féin an téacs i gcló ar an *Drogheda Argus* an 19 Lúnasa 1854. Thuigfí ón gcóip den téacs a bhreac Brian Ó Tomaltaigh, ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 10, gur scríobh seisean leagan den ábhar san *English character*, agus gur thug sé do Pheadar Ó Gealacáin é. Rinne Peadar Ó Gealacáin an chóip atá in ARÉ 3C4i (a) (1018), f. [49a], áit a dtugtar an t-ábhar céanna agus a scríobh Brian Ó Tomaltaigh in ortagrafaíocht na Gaeilge. Tá cuid d’aistriúchán Béarla i bpeannaireacht Pheadair in ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 7. Taobh amuigh de chúpla dearmad cló, is é sin an leagan Gaeilge a chuir Brian Ó Tomaltaigh i gcló ar an *Drogheda Argus*, an 19 Lúnasa 1854, mar aon le haistriúchán cruthaitheach. Is dóigh go raibh mearbhall ar Pheadar faoin rud ba cheart dó a chur síos go minic mar gheall ar chóras litrithe Bhriain Uí Thomaltaigh. Níl dáta le hobair Pheadair Uí Ghealacáin.

<sup>2713</sup> Is é ‘Lá Samhna 1848’ an dáta a thugtar ar an leathanach deiridh (lch 68) den chéad chuid de ARÉ 3B39 (250), ach tugtar an 4 Samhain 1848 mar dháta críochnaithe ar an leathanach teidil. Is féidir gur chaith Peadar píosa maith den am idir an dá linn ag cur nótaí mínithe leis na téacsanna, óir tá go leor acu inti. Chuir sé ríomhadh leathanach ar an tseanscríbhinn fosta arb í an dara cuid den lámhscríbhinn í. Tá ‘clár innsigh’ ann don dá chuid.

aon obair do Bhrian idir mí na Nollag 1843 agus deireadh na bliana 1850. I ndiaidh dó cuid de leabhar Bhriain Uí Thomaltaigh a chur chuige ar an 22 Nollaig 1843, chrom Peadar ar a chnuasach féin, DE Gen. 43D, arís, ní a bhí geall le bheith críochnaithe aige faoin tráth sin.

Táthar ar an eolas le fada go ndeachaigh Peadar ar thuras go Béal Feirste, agus go bhféadfadh sé gurbh é Aodh Mhac Domhnaill [2] é féin a shocraigh le Roibeard Mac Ádhaimh an chéad lá riamh go dtoghaí Peadar mar chléireach aige; agus más fíor don scéal ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin lena Eachtra agus a Ráfladh’,<sup>2714</sup> giota próis a cheap Aodh ar thuras Pheadair ó Bhaile Mhic Cathnaoin go Béal Feirste, is é rud a tharla go bhfuair Peadar scéala á rá leis go raibh go leor oibre ag an scoláire Roibeard Mac Ádhaimh dó lena choimeád gnóthach ar feadh míosa. Is féidir, ar ndóigh, gurbh é Roibeard Mac Ádhaimh a scríobh chuige, agus cé gur doiligh dáta an turais a bheachtú, tá an chuma air go ndeachaigh sé ann go luath sa bhliain 1844.<sup>2715</sup>

Chuir Peadar níos mó lámhscríbhinní dá lámh sa bhliain seo, 1844, ná in aon bhliain eile dá shaol. Ar an 10 Feabhra 1844,<sup>2716</sup> chuir sé críoch le lámhscríbhinn Dhún Éideann, DE Gen. 43D, agus bhunaigh sé uirthi cuid mhaith dá chéad lámhscríbhinn

---

<sup>2714</sup> Féach nóta 1398 i dtaobh na n-eagrán difriúil den aoir éadrom seo, ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin lena Eachtra agus a Ráfladh’, a cuireadh i bprionta den chéad uair corradh agus nócha bliain ó shin. Níl ach aon chóip amháin den aoir againn sna lámhscríbhinní, an ceann a scríobh Aodh Mhac Domhnaill [2] é féin in LPBF 16. Níor cuireadh dáta le LPBF 16, ach is léir gur scríobhadh í sa bhliain 1845. Deirtear sin ar an mbonn go bhfuil cuid de ‘Tuireamh an Dochtúir Mhic Dhomhnaill’ buailte suas le dán eile de chuid Aodha Mhic Dhomhnaill [2] sa lámhscríbhinn, mar a luann Beckett (1987: 145). Fuair an Dr Séamus Mac Domhnaill bás ar an 9 Aibreán 1845, agus priontáladh an dán an bhliain chéanna; ach ní théann an leagan den dán atá in LPBF 16, chomh fada agus a théann sé, fiú, lena bhfuil sa saothar clóbhuailte. Is dréacht garbh de chuid Aodha atá ann, agus dhealródh sé gur scríobhadh é tar éis an 9 Aibreán 1845, agus am éigin sular priontáladh an leagan clóite. Thuigfí ón méid sin gur grafadh LPBF 16 sa bhliain 1845. Ní hé go bhfuil sé le tuiscint as sin nár cumadh an téacs roimh 1845, áfach.

<sup>2715</sup> Déantar plé ar thurais Pheadair Uí Ghealacáin in Aguisín 15, áit a ndéantar iarracht a léiriú go ndeachaigh sé chuig Béal Feirste sna blianta 1844 agus 1851; agus gur féidir gur thug sé turas ann sa bhliain 1848, agus arís am éigin tar éis an 7 Deireadh Fómhair 1851.

<sup>2716</sup> DE Gen. 43D, lch 701.

eile, LN G1152, rud a chóipeáil sé do Roibeard Mac Ádhaimh, agus ar thosaigh sé á scríobh timpeall an 28 Márta 1844.<sup>2717</sup> Bhí sé ag obair ar an lámhscríbhinn sin fós i mí Iúil 1844,<sup>2718</sup> agus bhí sí á scríobh aige ar feadh tamaill ina dhiaidh sin, óir bhí sé tar éis luí isteach ar chnuasach de dhánta Shéamuis Mhic Cuarta a bhreacadh do Roibeard Mac Ádhaimh ag an am céanna. LPBF 24 atá ar an lámhscríbhinn anois. Ba é Roibeard Mac Ádhaimh a scríobh an chéad chúpla leathanach, go dtí gur fhág sé an cúram ar Pheadar, agus bhí leath den lámhscríbhinn sin scríofa aige faoin 4 Meitheamh 1844.<sup>2719</sup> Bhí sé ag deisiú seanscríbhinne de chuid a chnuasaigh féin ar an 13 Iúil 1844; agus, de réir an nóta atá istigh léi, bhí sé i mBaile Mhic Cathnaoin an t-am sin.<sup>2720</sup> I dtreo dheireadh na míosa sin, bhí scéalta próis á scríobh aige, cibé acu ba dó féin nó do Roibeard Mac Ádhaimh a grafadh iad, ní léir; agus níl againn ach fuíoll bheag den lámhscríbhinn bhunaidh.<sup>2721</sup> D’éirigh leis cóip ghlan de ‘Beatha agus Feartaibh Naomh Maodhóig’ a chríochnú ar an 12 Nollaig 1844 ‘chum úsáide agus chaitheamh aimsire chosantóir na Sean-Ghaoídhéilge .i. Maighistir Roibeart Mhac Adhamh, duine úasal de Choimhthionnal na Sean-Ghaoidheilge’.<sup>2722</sup> Deir Peadar linn go bhfuair sé an téacs ó leabhar Bhriain Mhic Fhearchair, arb í ARÉ 24P21 (97) anois í,<sup>2723</sup> agus léiríonn nóta a ghráf Peadar ar an mbunscríbhinn go raibh sí fós idir lámha aige ar an 29 Nollaig 1844.<sup>2724</sup> Is beag eolas atá ar fáil faoi

<sup>2717</sup> LN G1152, fordhuilleog thosaigh.

<sup>2718</sup> Tugtar an 18 Meitheamh 1844 (LN G1152, lch 122), agus an 9 Iúil 1844 (lch 273).

<sup>2719</sup> LPBF 24, lch 210.

<sup>2720</sup> OÉG H38, lch [ii]. Tá fáil ar chóip den nóta seo in Ó Buachalla (1968: 280).

<sup>2721</sup> OÉG H15. Féach nóta 2658 thuas.

<sup>2722</sup> LPBF 23. Tá cóip den cholafon seo i bprionta in Ó Buachalla (1962: 17).

<sup>2723</sup> Shínigh Brian Mac Fhearchair a ainm cúpla uair i nóta sealbhóra in ARÉ 24P21 (97), lch 233, agus tugann sé an Clochán Maol, Co. Lú, mar ionad cónaithe dó féin ann. Ní fios cé a scríobh an leabhar seo, ach baineann sé le deireadh na 17ú hAoise nó le tús na 18ú hAoise; is deimhin, cibé rud é, nár scríobh Brian Mac Fhearchair é.

Is beag atá ar eolas faoi Bhrian Mac Fhearchair ón gClochán Maol, ach is féidir gurb ionann eisean agus an té a luaitear faoin mbaile fearainn sin agus faoin mbliain 1778 sna *Catholic Qualification Rolls*. Tugann Peadar Ó Gealacháin cuid mhaith d’fhaisnéis nóta Bhriain in ARÉ 24P21 (97) sa leathanach teidil a chuir sé lena chóip, LPBF 23, lch 1. Shínigh Brian COBÁC M7, f. 37v, i mBéarla, ‘Bryan Carragher’, agus i nGaeilge (Mac Labhraí 2005: 14; 2013: 252).

<sup>2724</sup> ARÉ 24P21 (97), lch 190; féach an *R.I.A. Cat.*, 289.

ghníomhaíochtaí Pheadair idir na blianta 1845 agus 1846, ach gur tharla lámhscríbhinn a scríobh sé sa tréimhse sin i seilbh Roibeaird Mhic Ádhaimh faoi 1852;<sup>2725</sup> dhealródh sé gur dó a scríobhadh í. Chuir sé ábhar breise le lámhscríbhinn de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh sa bhliain 1848, rud a rinne sé arís in 1851.<sup>2726</sup> Is beag eolas is féidir a bhaint as an lámhscríbhinn aonair atá againn dár scríobh sé idir 1847 agus 1848, ach amháin go léiríonn sí go raibh Peadar tar éis téacsanna a chóipeáil as ARÉ 3C4ii (1019), lámhscríbhinn de chnuasach Bhriain Uí Thomaltaigh,<sup>2727</sup> mar a dúradh cheana.

Tar éis do Pheadar filleadh óna chéad turas go Béal Feirste, am éigin idir na blianta 1844 agus 1850, fuair a bhean, Sinéad Ní Thánaiste, bás. Níl aon eolas againn i dtaobh a báis, ach gur cheap Peadar caoineadh uirthi thart faoin mbliain dheireanach sin. Is féidir gur cumadh é ar an 9 Márta 1850, an dáta a luaitear leis an dréacht de atá in C Add. 6563 (42).<sup>2728</sup> Bhí Peadar tar éis tosú faoi dheireadh na bliana ar an gcéad chuid de COBÁC F20 a ghráfadh do J. T. Rowland (*ob.*1872) ó Dhroichead

---

<sup>2725</sup> Seo ARÉ 24P20 (1072), ceann de na lámhscríbhinní a bhíodh i gcnuasach Reeves tráth, agus is comhleabhar eile í—tá dhá chuid di i lámh Pheadair, agus baineann na codanna eile le ceantair liteartha eile. Tá an chuma uirthi gurb í seo ceann de na lámhscríbhinní a ceanglaíodh le haghaidh Thaispeántas na bliana 1852. Tá cuntas iontach mion ar an Taispeántas seo, agus ar bhunú an *Ulster Journal of Archaeology* ina dhiaidh sin, in Ó Buachalla (1968: 222-32).

<sup>2726</sup> LN G1152. Féach na colafoin ar lgh 347 (Baile Mhic Cathnaoin, Maigh nEalta, Co. na Mí, an 15 Iúil 1848), 357 (an 10 Meitheamh 1851).

<sup>2727</sup> Maidir leis an lámhscríbhinn, ARÉ 3B39 (250), féach an cuntas ar Chríostóir Aindreamha i gCaib. 2.1 thuas. Is féidir sin a áiteamh óir tá crosa—na marcanna cóipeála a d’úsáideadh Peadar (féach nótaí 2133, 2687)—tríthi áit ar athscríobh sé téacsanna aisti; agus san áit a dtéann cóip Pheadair Uí Ghealacáin de *A rich man never needs genealogy* dá bhfuil i lámhscríbhinn Chríostóra Aindreamha, chuir Peadar nóta in imeall a lámhscríbhinne féin leis an léamh bunaidh. Ní gá a chreidiúint go raibh lámhscríbhinn Chríostóra Aindreamha os a chomhair agus é ag scríobh in 1847 agus 1848, agus go bhfuil sé intuigthe uaidh seo go raibh sé ag obair do Bhrian Ó Tomaltaigh ag an am, óir bhíodh sé de nós ag Peadar dréachtaí de théacsanna a fuair sé a scríobh ar dtús, agus cóipeanna ceartaithe díobh a chur ina chuid lámhscríbhinní go cúramach ina dhiaidh sin.

<sup>2728</sup> Féach C Add. 6563 (42), f. 109, *A shíogaidh[e] beag mná, tair ó Helicon gan spás*. Níl in C Add. 6563 (42) ach dréacht den saothar, ‘Mairgneadh Pheadair Uí Ghealacáin chum a Chara, Aoidh Mhac Dómhnaill, air Fhonn “Mholaidh Dhroim Chrich”’. I gceann de na catalóga a chuir Peadar Ó Gealacáin le chéile, mar a luaigh Ó Buachalla (1968: 210 n.1), rud a bhí in OB G14, luann sé go raibh i lámhscríbhinn [?] chailte] de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh ‘Mairgneadh Geárr Pheadair Uí G[h]ealacan fa Bhás a Mhná, 7 fa Imtheacht Cuid da Shean-Chúallaidhne as Eirinn’, *A shíogaidh[e] beag mná, tar o Helicon gan spás*. Bhí an dán ar lch 5 sa lámhscríbhinn. Theip orm an lámhscríbhinn sin a aimsiú. Cuireadh an dán in eagar in Ó Buachalla (1968: 210), agus in Dawson (2014: 147-8).

Átha, cnuasach de laoithe fiannaíochta a cuireadh i gcrích ar an 5 Samhain 1850.

Thart faoin am céanna agus a bhí Peadar ag obair ar lámhscríbhinn J. T. Rowland, chuir sé cúpla duilleog le lámhscríbhinn Bhriain Uí Thomaltaigh,

Transcribed by P. Gallegan, Ballymacain near Moynalty, Co. Meath, for his friend and well-wisher, M<sup>r</sup> Bernard Tumalti, Laurence Street, Drogheda, on Wednesday night, Nov. 6<sup>th</sup>, 1850.<sup>2729</sup>

Ag tús na hathbhliana, ghráf Peadar cnuasach de dhánta Shéamuis Mhic Cuarta do J. T. Rowland, ag cur colafon lena chuid oibre dar dáta an 3 Aibreán 1851, ach bhí sé fós ag obair do Bhrian Ó Tomaltaigh ó am go chéile, dealraíonn sé; agus tugann colafon i gceann den bheagán lámhscríbhinní a tháinig slán ó chnuasach leabhar Bhriain Uí Thomaltaigh le fios go ndéanadh sé formhór na hoibre cóipeála do chumann gaelach Dhroichead Átha, agus cumann Bhéal Feirste,

... by P. Gallegan. Transcriber for the Belfast and Drogheda societies, and finished this Book on Friday, March 21<sup>st</sup>, 1851, for his old friend and well-wisher, M<sup>r</sup> Bernard Tumalti, principal member of the Drogheda Gaelic Society.<sup>2730</sup>

Is é an nóta thuas an tagairt dheireanach, go bhfios dúinn, do chumann Dhroichead Átha. Tamall gairid i ndiaidh dó a bheith ag obair do Bhrian Ó Tomaltaigh agus do J. T. Rowland, cheap Peadar dán do Roibeard Mac Ádhaimh inar luaigh sé na coinníollacha faoinar fostaíodh é,

Níl acht beagán a thuigeas mo chás  
Nó dhíolas mé ar son mo shaothair.  
Bhí duine uasal amháin 'na chónaí 'nDroichead Átha  
Nach bhfaca mé ní as fearr san réim sin.

---

<sup>2729</sup> ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 43v.

<sup>2730</sup> ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 37v.

Thug sé sgilling damh gach lá dá raibh mé 'na pháirt,  
Ag aithsgríobha ceoltaí Gaeilge.<sup>2731</sup>

Deir Peadar sa litir inar chuir sé an dán thuas chuig Roibeard Mac Ádhaimh, litir a seoladh thart faoin 7 Deireadh Fómhair 1851, go raibh sé tar éis ceithre mhí a chaitheamh i mBéal Feirste an bhliain sin,

Sir,

I have taken a little turn at the harvest here just in order to save a trifle to buy some linen as I was totally run out of shirts last summer which often grieved me that I could not save one half-crown the whole time in Belfast after spending near four months there. I have received a note from Hugh McDonnell in which he stated that he had some conversation with you previous to that and that you remarked to him that you had two years' work for me in the writing business. I suppose now, Sir, at the very lowest calculation I think that about five shillings a week would not be unreasonable for me to get from you in order to pay for my lodging and to live as frugal as possible.

As I began your books, of course, I should wish to finish them and other things which I remarked to you in your office.

I was lately requested by a schoolmaster who holds a National school to take on as usher which would bring me five shillings a week but I would rather go to you at the same rate of payment. I have a great many Irish scraps and poems that you never met with as yet. There are also some old men in this neighbourhood who have some Irish songs which I could not meet with in your collections but hearing that I was on the mission of providing Irish songs and poems I could not get anything from them unless I made them some little remuneration and it very often happens that my little earning was too scanty for myself much less to graze their hand with a fool's token which they required of me and scarce as my cash was I bribed some for their songs. ...<sup>2732</sup>

Is dócha, mar sin, gur cuireadh an t-ábhar breise lena ngabhann an dáta an 10

Meitheamh 1851 le LN G1152 nuair a bhí Peadar i mBéal Feirste an Samhradh

---

<sup>2731</sup> Tá an dán istigh le litir a scríobh Peadar Ó Gealacháin chuig Roibeard Mac Ádhaimh, LN G702(20), mír 1. Tá an 7 Deireadh Fómhair 1851 luaite sa mharc poist. Cuireadh cuid de i gcló in Ó Buachalla (1964: 6 col. a – 6 col. b), agus an t-iomlán in Ó Buachalla (1968: 211-13).

<sup>2732</sup> Tá an litir sin gcló cheana in Ó Buachalla (1968: 213-14).

sin.<sup>2733</sup> Is dóigh liom gurbh ag an am céanna a rinneadh clárú ar lámhscríbhinní Roibeaird Mhic Ádhaimh, ní a thuigfí ó chaint na litreach thuas, b'fhéidir; agus meabhraíonn lámhscríbhinn bheag atá ceangailte le lámhscríbhinní Ultacha eile de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh, ar a dtugtar LN G199(1) anois, go raibh Peadar ag breacadh píosáí—le luas láimhe—dá phátrún ag an am céanna. Tá dátaí idir an 17 Meitheamh 1851 agus an 20 Meitheamh 1851 ar an mblúire sin; is dóigh gur i mBéal Feirste a grafadh na codanna sin de LN G199(1) agus de LN G1152 araon.<sup>2734</sup> Bheifí ag déanamh amach gurb iomaí turas den sórt seo a thug Peadar go Béal Feirste a lorg oibre, agus bhí cáil éigin air mar scoláire Gaeilge faoin am seo. Luaitear a ainm sa liosta scoláirí a chuir Patrick O'Farrell le chéile sa bhliain 1853, 'Mr. Peter Galligan, Ballymacken, Nobber, county Meath' (Ó Casaide 1940: 257). Áirítear OB 1/155—cnuasach de dhánta Aodha Mhic Dhomhnaill [2] i láimh Pheadair a cuireadh le chéile am éigin i ndiaidh 1851—mar cheann de na leabhair neamhchríochnaithe a luann Peadar ina litir; tháinig sí anuas chugainn ó bhailiúchán Young, a fuair baclainn lámhscríbhinní sa Soho Foundry,<sup>2735</sup> agus shroich sí Coláiste na Banríona nuair a fuair Seán Mac Airt bás in 1959 (Ó Buachalla 1964-6). Dhealródh sé gurbh é rud a tharla gur iarr Roibeard Mac Ádhaimh ar Pheadar dánta Aodha a scríobh go nua agus an litriú a cheartú, rud a rinne sé chomh maith agus ab fhéidir leis; agus d'athscríobh Peadar lear mór acu dó féin isteach in ARÉ 3B38 (251) idir na blianta 1853 agus 1854. Thug sé, de réir Choilm Beckett (1987: 193), 'cead a chinn dó féin athruithe a dhéanamh sa téacs ar a mhian', an babhta seo. Le linn dó a bheith ag cur

---

<sup>2733</sup> Féach Aguisín 15 thíos.

<sup>2734</sup> LN G199(1), lgh 298-343. Tá na dátaí seo sa lámhscríbhinn: an 17 Meitheamh 1851, lch 304; an 19 Meitheamh 1851, lch 319; an 20 Meitheamh 1851, lch 330. Deir Peadar Ó Gealacháin gur 'úa Chonntae na Mídh' dó ar lch 304.

<sup>2735</sup> Féach de Brún (2016: 103 *n.29*), áit a dtugtar cuid de nóta a scríobh Maidlín Ní Dhíomsaigh chuig Colm Beckett, an 3 Eanáir 1964, nóta ina bpléann sí goidé mar a fuair Young na lámhscríbhinní. Tugtar beagán eolais i dtaobh lámhscríbhinní Young i nóta 21 thuas, ach tá plé i bhfad níos cuimsithí ar a chnuasach in Ó Muireadhaigh (1974).



na lámhscríbhinne seo le chéile, rud nár éirigh leis a chríochnú, chinn Peadar ar roinnt lámhscríbhinní a dhíol d'fhonn airgead a fháil, agus tharla go raibh sé mór le Roibeard Mac Ádhaimh, scríobh sé agus chuir sé litir faoina choinne. Níl an litir sin ar fáil anois, ach cibé rud a bhí ann, chuir Roibeard Mac Ádhaimh freagra chuige an 6 Aibreán 1854, á iarraidh air dul go Droichead Átha leis na leabhair a bhí á dtairgeadh aige, agus scríobh Peadar ar ais an 12 Aibreán 1854, agus é ag smaoinemh ar dhul ar imirce. Bhí sé thart ar 61 bhliain d'aois ag an am sin,

I received your letter of the 6th on last Monday and am sorry that poor McDonnell is not in good health. I am also sorry that it is not in my power to go to Drogheda as it is full 20 miles from my place and moreover it would be a painful thing for me to carry near an hundred weight of books on my *old back* without a penny in my pocket to bear me on the road. But I will tell you, Sir, the very best plan laid out yet. According to your first request I shall send you a catalogue of the Books I wish to dispose of, the number of pages in each and their condition so I will leave the price to yourself as you are a competent judge. Then when you have the catalogue, etc., in your answer to me you can point out such books as you want and as you say yourself set a fair value on each manuscript. You know what time and trouble the transcribing of a manuscript costs. ... I can do no more and I assure you that I have not a sixpence to bear my expence ...

P.S. I am very anxious to know whether my son Peter (who works in the Foundry) will go [to] America at present as I gave him the preference to go on my pass and that I would remain till sent for as it is not safe to remain in Belfast there being so many cases of Cholera. ...<sup>2736</sup>

Cheannaigh Roibeard Mac Ádhaimh trí lámhscríbhinn uaidh a gceanglaíonn Ó Buachalla (1968: 242-4) iad le OÉG H4, OÉG H38, agus OÉG H39. I ndiaidh dó na lámhscríbhinní seo a chaomhnú agus a dheisiú, agus neart eile dá gcineál a scríobh amach dó trí na blianta, is dócha gur mhothaigh Peadar nach raibh a phátrún, duine nár ghanh dó airgead, ag caitheamh leis mar ba cheart, agus cé gur thoiligh sé na lámhscríbhinní a dhíol, scríobh sé ina fhreagra chuige, an 28 Aibreán 1854,

---

<sup>2736</sup> LN G702(20), mír 2. Ó Bhaile Mhic Cathnain, 12 Aibreán 1854. Baineadh seo as an gcóip atá in Ó Buachalla (1968: 242-4).

And according to promise I hope you will send me a Post Office order to Kingscourt before next Tuesday as I want the money very much. You see I left the price of each of them to yourself and you could not get one manuscript copied less than what you offered for the 4 but no matter for that I never will break my word nor yours either about the matter. ...

P.S. I send you another song of Courtney's—his lamentation for his two brothers. Perhaps you have not got a copy of it as yet and another which I shall send next week (God willing)',<sup>2737</sup>

Chuir sé cóip de mhairgne Shéamuis Mhic Cuarta chuige gan amhras,<sup>2738</sup> ach ní fios ar leanadh den chomhfhreagras mórán ina dhiaidh sin. Sa bhliain chéanna agus a scríobhadh na litreacha seo, foilsíodh *Luacháil Griffith* (1854) do Cho. na Mí, agus is faoi earráid chlódóireachta nó eile a fhaigheann muid Peadar Ó Gealacáin inti, 'Peter Galikey' ó Ard Mhacha Bréige (Ó Casaide 1939: 84). Go gairid ina dhiaidh sin, in 1855,<sup>2739</sup> ceaptar, dhíol Peadar sé lámhscríbhinn déag eile le Eugene Guilford

---

<sup>2737</sup> LN G702(20), mír 3. Ó Bhaile Mhic Cathnaoin, 28 Aibreán 1854. Baineadh seo as cóip Uí Bhuachalla (1968: 244-5).

<sup>2738</sup> LN G702(30). Gan dáta.

<sup>2739</sup> Nótálann Ó Buachalla (1968: 253 n.25) nach féidir ach dhá lámhscríbhinn a aithint anois as na sé cinn dhéag a dhíol Peadar le E. G. Finnerty—ARÉ 3B38 (251) agus DE Gen. 43D; féach nóta 2740 thíos. Tá dáta an díolacháin giota beag éiginnte: is fiú briathra Bhreandáin Uí Bhuachalla, an té is mó a rinne taighde ar na lámhscríbhinní seo agus a d'fhéach chuig a n-aithint, a thabhairt anseo: 'Mar leis an dáta 1855 a luaim thuas is deacair a rá an é sin an dáta ceart. 1865 atá sa ls. anois ach is léir nach é sin a bhí riamh ann. 1853 nó 1855 a bhí ann ar dtús ach d'athraigh duine éigin é'. Má ba chruinn an dáta a bhí ann ar dtús, caithfidh sé nárbh é 1863 ná 1865 é—léigh Morris (1928a: 178) '1863', agus chuir sin amú é maidir le dáta báis Pheadair. Scríobh Ó Tuathail (1932: 544) "... in the year 1865. [The 6 is doubtful. The date may be 1855].'" agus is soiléir gur shíl Ó Buachalla gur bheacht 1855 ná na cinn eile, rud a bhfuil dealramh na fírinne air, dar liom. Ba leis an gcnuasach céanna—ceapaim—an lámhscríbhinn ARÉ 3B39 (250), a bhfuil 'Volume 8th' scríofa ar a cúl, is é sin an t-ochtú himleabhar de chnuasach Pheadair é féin. Cé nach bhfuil eolas dá laghad ar fáil san Acadamh faoin dóigh ar shroich sí an áit, tá sé intuigthe ón uimhir phreasa gur tháinig sí agus ARÉ 3B38 (251) ag an am céanna, agus gurb iad Iml. 7 [= ARÉ 3B38 (251)] agus 8 [= ARÉ 3B39 (250)] de chnuasach Pheadair Uí Ghealacáin iad seo. Bhaist Peadar Iml. 6 ar DE Gen. 43D. Níl d'eolas againn i dtaobh na lámhscríbhinní eile ach gur dóigh go bhfuair Eugene Guilford Finnerty Iml. 5 fosta, agus go raibh 'Laoi na Mná Móire' ann, óir tá nóta aige in DE Gen. 43D, lch 111, 'See Vol. 5 for this poem entire. E. G. F.'

Bhí DE Gen. 43D i gcnuasach Pheadair Uí Ghealacáin i mí Lúnasa 1853, óir deir sé i nóta a scríobh sé ar lch xvii i dtaobh 'verse resembling the Páistín Fionn': 'I got this from Bidne Farrelly / It has the same air as the Páistín Fionn. Page 357. / in Aug. 1853'. Sa chatalóg a chuir Peadar chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 12 Aibreán 1854, tugtar 'Part of Miss Brooke's Collections and other good pieces. 342 pages. Good.' ar mhír 2 (cóip in Ó Buachalla (1968: 242)), arb ionann í, cinnte, agus ARÉ 3B39 (250). Níor aithin Ó Buachalla an lámhscríbhinn, glacaim leis, toisc go ndeirtear san *R.I.A. Cat.*, 628, go bhfuil 328 lch inti. B'fhiú cuimhneamh air, áfach, gur bhain Peadar an chóip de 'Comhairle Mhic Clámha' den lámhscríbhinn ina hiomláine, beagnach, agus gurb é an ríomhadh leathanach reatha, 1-67, 2 lch gan áireamh, 68-76, 93-342, *R.I.A. Cat.*, 628. Más féidir glacadh leis go bhfuair an tAcadamh ARÉ 3B39 (250) agus ARÉ 3B38 (251), ar lámhscríbhinn de chuid Finnerty í an dara

Finnerty (c.1815-1888)<sup>2740</sup>—a mhórshaothar, DE Gen. 43D, san áireamh, cé go raibh drogall air scaoileadh léi an bhliain roimhe sin. Deimhnítear an méid seo i nóta a scríobh E. G. Finnerty in DE Gen. 43D, ní a cuireadh i gcló cúpla uair ach nárbh fhéidir dul thairis gan é a thabhairt ina iomláine,

These 16 volumes of Irish manuscripts were willed and given to \me/ by Peter Gillegan, a hedge s[c]hoolmaster and a good transcriber of Irish manuscripts, & Collector of ancient Irish songs, in the year 1853 [*athraithe go 1865*].<sup>2741</sup> He lived near Kells in the Coy Meath, and was very thankful to me for some little kindnes[s]es which I conferred on him, and \on/ his only relative, a niece, since dead.

I doubt much if any of our National S[c]hoolmasters have the talent, perserverence, or patriotic feeling that this poor fellow possessed.

---

ceann, caithfidh sé gur ceann de na sé cinn dhéag a dhíol Peadar le Finnerty í ARÉ 3B39 (250), agus nár tharla an díolachán roimh mhí Aibreáin 1854, nuair a thairg Peadar an lámhscríbhinn sin do Roibeard Mac Ádhaimh. Is é 1855 an dáta is fearr, mar sin.

<sup>2740</sup> Tugtar ábhar beathaisnéise in Morris (1928a: 178-80), Ó Muirgheasa & O Casaide (1929), Ó Casaide (1931*d*), Ó Muirgheasa (1933: 10-11; 2015: xlii-xliv), Ó Casaide (1936; 1936a; 1938). Ba dhearmad d'Ó Casaide (1929: 53) a áiteamh gur phátrún de chuid Pheadair Uí Ghealacáin é E. G. Finnerty, agus tugtar in Ó Casaide (1931*d*: 144) ceartúchán ar an dara heagrán den saothar céanna inar áitíodh seo. De réir an taighde a cuireadh le chéile sna hailt seo, rugadh Eugene Guilford Finnerty tuairim agus an bhliain 1815 i gCo. Chiarraí. Mac le Eugene Finnerty a bhí ann (mar atá ar taifead ar a theastas pósta; OAC, Cláruimhir: 1856, Ráithe 1, Iml. 5, lch 280). Cuireadh a ainm le rollaí Choláiste na Tríonóide sa bhliain 1838 (Ó Casaide 1936: 42); phós sé Jane Isabella Hartnett (baintreach ——— Lidwell) sa bhliain 1856 (Ó Casaide 1936a: 61); agus bhí 119 n-acra talún aige i gCo. Chill Chainnigh sa bhliain 1876 (Ó Casaide 1938: 36), nuair a bhí cónaí air i mBaile Átha Cliath. D'oibrigh sé ar Bhord na nOibreacha ar feadh tréimhse; féach Morris (1928a: 179) ach go háirithe. Tar éis bhás a mhná, cailleadh Eugene ar an 28 Lúnasa 1888 in aois a 73 bliana, agus adhlacadh é lena bhean i Reilig Ghlas Naíon (Ó Casaide 1938: 36).

Mar iarshealbhóir 16 lámhscríbhinn de chuid Pheadair Uí Ghealacáin is mó atá iomrá ar Eugene Guilford Finnerty, agus tá scríofa agam i nóta 2739 thuas gur féidir ARÉ 3B39 (250), ARÉ 3B38 (251), agus DE Gen. 43D a áireamh ina measc. Cuimhneofar go réidh air gurbh é Finnerty an té a thug 'tamall' gan díth de DE Gen. 43D do Abercromby i mí Iúil 1883. Tá an litir a sheol sé chuige leis an lámhscríbhinn istigh inti go fóill, agus cuireadh i gcló í in Morris (1928a: 179), agus tá sleachta aisti in Ó Muirgheasa (1933: 10; 2015: xliii), agus roinnt sonraí breise in éineacht léi. Gheofar sa dá shaothar sin, Morris (1928a: 178) agus Ó Muirgheasa (1933: 10-11; 2015: xliii-xliv), cóipeanna den trácht a rinne Finnerty ar Pheadar.

Lámhscríbhinn eile a thug sé do Abercromby agus nach bhfuair sé ar ais is ea í DE Gen. 1841/1, lámhscríbhinn le Pádraig Ó Raghallaigh [2], agus tá litir Finnerty fós istigh léi,

2 Belvidere Avenue,  
Dublin, Oct<sup>r</sup> 21<sup>st</sup>, 1884.

My dear Sir,

Since I had the pleasure to meet you last I have not fallen in with any Irish manuscript but the enclosed which I send you with my very many & sincerest respects, believe me.

Yours very sincerely [*sic*] & faithfully,  
EUGENE G. FINNERTY.

Honb<sup>le</sup> J: Abercromby,  
14 Chapel St.,  
Belgrave Square,  
London.

<sup>2741</sup> Deirtear '... in the year 1863', ach tá plé déanta ar an dáta sin cheana féin i nóta 2739 thuas.

I trust that I have to a certain extent rendered him independent and happy in his latter days, without his applying to any society whatever for his support (of which he had the greatest abhorrence).

He was one of the most single-minded, honorable & upright men that I have ever met, and was, I believe, the last of that noble class of men of the last century called 'Irish Hedge Schoolmasters.'

He knew nothing of classics, and differed in this from his fellow 'Hedge Schoolmasters' in the South and West, but his heart & feelings, even in his lowly position, were such as every Irishman may be proud of. He has gone that road which we must all travel; would that all our lives were as blameless as his.

E. G. F.<sup>2742</sup>

Caithfidh sé go raibh an saol ag teannadh air go mór, agus ní bhaineann ceann ar bith de lámhscríbhinní Pheadair, iad siúd ar féidir dáta a leagan orthu, leis an tréimhse i ndiaidh 1854,<sup>2743</sup> cé go bhfuil leid againn, mar a tchífead ar ball, gur lean sé de bhailiú téacsanna. Is féidir fosta go bhfuil blogh de lámhscríbhinn againn a ghráf sé sna míonna deiridh dá shaol. Téann sé as radharc a bheag nó a mhór ina dhiaidh sin, cibé rud é, seachas an trácht a rinne Patrick McDermott air. Tar éis dó Peadar a fheiceáil ar an aonach i gCeanannas ar an 11 Meitheamh 1857, scríobh sé,

Peter Gallegan is an old broken down country Schoolmaster who wrote some little scraps for the Diary heretofore; I have often met him at fairs in Kells, when he would be the centre of a vulgar crowd decanting on this and that piece of his in the Almanacks; and have repeatedly shunned him, for he is as jovial and mellow a soul as the great D. B. O'Sullivan.<sup>2744</sup>

Bhí scéal ag Pat Galligan, iarua Pheadair Uí Ghealacháin, go ndeachaigh sé a mhúineadh scoile i Machaire Cluana, Co. Mhuineacháin, tar éis dó dul in adharca

---

<sup>2742</sup> DE Gen. 43D, Ich 702. Tá an nóta seo i gcló in Morris (1928a: 178), Dawson (1992: 23-4), agus i saothair eile a thráchtann ar a bheatha.

<sup>2743</sup> Féach nóta 2643 thuas i dtaobh an dáta '1857' a luadh le lámhscríbhinn de chuid Pheadair.

<sup>2744</sup> Tá an nóta seo i gcló in Ó Casaide (1939: 82).

Denis Barrington O'Sullivan (c.1796-1876), *al.* William Beresford, deirtear, máistir de chuid an *Irish Society*, saighdiúir, scríbhneoir do na halmanaig (agus fear mór óil agus scléipe fosta) a bhí ann. Gheofar tuilleadh eolais air in Ó Casaide (1939: 81), agus in de Brún (2009: 544). Ba eisean a chum an caoineadh ar Pheadar Ó Gealacháin a cuireadh i gcló in *Nugent's Almanack*, 1861; féach nóta 2749.

leis an sagart paróiste i Maigh nEalta, ach is doiligh sin a shuíomh san áit cheart i scéal a bheatha. Tugtar leagan maith den scéal in Fitzsimons (1974: 204-5),

Anyway, Peadar was teaching in Ardamagh and it seems that after his wife dying—she died shortly after the birth of my grandfather and he was a man that was always fond of drink—he had some difference with the parish priest in Moynalty. So he went out and taught school around Maracloon, near Kingscourt, for years. He came back eventually to Kilmainhamwood where he died and is buried. ...

He taught in cowsheds. When he left Ardamagh the parish was so anxious to get him back to teach that the landlord built a house for him just beyond Galligan's Bridge. Just about that time Kilbeg National School was built and he never taught school. But my grandfather when he was married went to live to that house and that's where he died. That's what brought us over to the bridge. We're Carlanstown.

Is maith is féidir gurbh é Peadar an scríobhaí dúchasach ba thábhachtaí de chuid na 19ú hAoise, mar gheall ar an ábhar ar bhac sé lena scríobh nuair a bhí cuid mhaith eile de lucht Gaeilge a ré féin ag cumadh a gcuid píosaí féin, nó ag dul i dtreo na hársaíochta. Is beag a chum Peadar, ach ba scríobhaí díograiseach é, agus is iontaofa agus is cruinne a chuid lámhscríbhinní ar an móróir ná saothar duine ar bith eile de na scríobhaithe móra a bhí suas lena linn sa Tuaisceart, cé nár leasc leis téacsanna a cheartú nuair a shíl sé gur ghá sin.<sup>2745</sup> Chaith sé roinnt ama ar a chuid lámhscríbhinní a leagan amach go cruinn, agus ábhar beathaisnéise a chur le chéile ar na filí ar scríobh sé a gcuid saothar iontu; scoláire maith a bhí ann arbh fhearr a thuiscint ar ortagrafaíocht na teanga ná formhór a luchta comhaimsire. Tá againn leabhar

---

<sup>2745</sup> Deir Morris (1928a: 180) go raibh claonadh ag Peadar téacsanna a chur in eagar sula scríobhfadh sé iad. Luadh cheana gur thug Beckett (1987: 193) faoi deara, an té a chuir filíocht Aodha Mhic Dhomhnaill [2] in eagar ó autograif an fhile féin, agus ó dhá lámhscríbhinn le Peadar Ó Gealacháin .i. ARÉ 3B38 (251) agus OB 1/155, go bhfuil níos mó athruithe i gcóip phearsanta Pheadair Uí Ghealacháin, ARÉ 3B38 (251), rud a thug sé do E. G. Finnerty, ná mar atá in OB 1/155, an ceann a scríobh sé do Roibeard Mac Ádhaimh. Ba é Roibeard Mac Ádhaimh an té a thug faoi deara an fhilíocht a chumadh, is dócha. Scríobhadh a chóip, OB 1/155 tar éis 1851 (Ó Buachalla 1964-6: 197). Mhíniú Ó Dochartaigh (1982: 5-6) na difríochtaí idir an chóip de *Is é Éamonn Mac Cathail Riabhaigh* a scríobh Peadar in DE Gen. 43D agus gach cóip eile, beagnach, mar léiriú maith ar 'poetic urges' Pheadair.

coiteann<sup>2746</sup> amháin a tháinig slán ón lot a léiríonn go scríobhadh sé dréachtaí sa script rómhánach leis na téacsanna a bhailigh sé a ghlanadh agus a fhoirbhiú sula scríobhfadh sé isteach ina chuid lámhscríbhinní iad. Luann sé a fhoinsé go minic sa leabhar seo, agus bhíodh sé, is dócha, ag tarraingt ar ábhar scríofa agus an traidisiún beo, de réir mar ba ghá. Is dearbh go raibh cnuasach maith de lámhscríbhinní agus leabhair chlóite Gaeilge aige,<sup>2747</sup> agus dheisigh sé cuid mhaith eile acu idir 1827 agus 1848.<sup>2748</sup>

---

<sup>2746</sup> Is í C Add. 6563 (42) an leabhar coiteann sin, agus tá ábhar inti a grafadh sna blianta 1824, 1826, 1827, 1828, agus 1850 san iliomad áiteacha. Shroich an lámhscríbhinn seo Leabharlann Ollscoil Cambridge ar an 21 Feabhra 1924 nó an 22 Feabhra 1924 ó leabharlann Norman Moore (*ob.*1922), mar aon le cuid mhaith lámhscríbhinní eile a bhailigh sé (de Brún & Herbert 1986: xxii col. a – xxii col. b), ach ní heol dom cá bhfuair sé í. Léiríonn de Brún & Herbert (1986: xxii col. b *n.*124) gur dóigh go raibh an lámhscríbhinn aige thart faoi mhí Feabhra 1893. Féach fosta Dawson (1992: 50-2). Lámhscríbhinn pháipéir gan ord ná eagar ceart atá inti, agus lorg an fhliucháin ar chuid mhaith de na leathanaigh. Murab ionann agus formhór na lámhscríbhinní eile a d'fhág Peadar Ó Gealacáin againn, tá gach cosúlacht ar an scéal gur leabhar coiteann nó leabhar dréachtaí dá chuid atá inti, ar chúpla ábhar. Sa chéad áit, scríobhadh cuid mhaith den ábhar go garbh sa script rómhánach. Tá giotáí beaga ann a scríobhadh ar an gcorrlitir, agus athruithe agus ceartúcháin déanta ar chuid acu, ionann is gurbh iarrachtaí iad a ndearna Peadar praiseach díobh. Sonraíonn Peadar go minic, agus i nótaí beaga neamhfoirmeálta amanna, a chuid foinsí, rud nach ndéanann sé ach go fíorannamh i lámhscríbhinní eile dá chuid. Tugtar samplaí de na foinsí (scríofa agus béil) a bhí aige i nótaí 2571, 2700 thuas. Tá liosta cuimsitheach díobh in de Brún & Herbert (1986: 88 col. a – 88 col. b). Dramhpháipéar a bhí i gcuid mhaith de na leathanaigh nuair a scríobh Peadar orthu, sa dóigh go mbíonn an t-ábhar a céadscríobhadh ar na leathanaigh 'sáite' isteach i lár na dtéacsanna eile a scríobhadh sa script rómhánach; tá rann i bpeannaireacht Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh ar f. 48 (féach nóta 2381). Tugtar cóipeanna glana de chuid de na téacsanna in C Add. 6563 (42) i lámhscríbhinní eile de chuid Pheadair, agus tá autograf dá chuid againn ar f. 109.

Tá leideanna i dtéacsanna a scríobh Peadar i gcuid dá lámhscríbhinní foirmeálta gur cóipeanna glana iad de dhréachtaí a rinne sé cúpla bliain roimhe sin; féach nóta 2641, agus Aguisín 15, áit a bpléitear an tranglam dátaí scríofa a thugtar in ARÉ 3B38 (251). Diomaite de go dtugtar dátaí idir 1853 agus 1854 sna colafoin, tugann suim eile sa lámhscríbhinn le fios gur cóipeáladh rann amháin as dréacht a scríobhadh sa bhliain 1851. Is féidir gur sampla eile den mhodh oibre seo na téacsanna as ARÉ 3C4ii (1019) a scríobhadh isteach in ARÉ 3B39 (250) idir na blianta 1847 agus 1848. Féach nóta 2727 thuas.

<sup>2747</sup> Sa liosta lámhscríbhinní a chuir Peadar chuig Roibeard Mac Ádhaimh sa bhliain 1854, bhí '10. Paul O'Brien's Irish Grammar in the best condition (original price 6/6). ... 12. Kings of the Race of Eibhear. ... Translated by Michael Kearney, A.D. 1635. (In print). 13. Number of O'Heerin's and O'Dugan[']s topographical History of Irish Kings etc., etc., from the type. 14. An Irish Bible and 2 Irish prayer books. (new).' (Ó Buachalla 1968: 243). I gcnuasach leabhar Énrí Uí Mhuirgheasa (Ó Muirgheasa 1915: 341; Morris 1928a: 176), bhí cóip chlóbhuailte de *Irish Sermons* Uí Ghallchobhair (eagrán 1798) ar ar bhreac Peadar nóta gearr ina ndeir sé gur cheangail agus gur dheisigh sé í dá úsáid féin ar an 22 Eanáir 1848.

<sup>2748</sup> Is iad seo na lámhscríbhinní a dheisigh sé a bhfuil fáil orthu anois, agus an bhliain ar dheisigh sé iad, OÉG H4, 1827; COBÁC C4, 1841; OÉG H38, 1844; ARÉ 24P11 (1067), 1845; SPAA, 1845; ARÉ 23C1 (371), 1847. Féach nóta 2747 thuas. Gheofar na nótaí a scríobh sé ar na leabhair seo in Ó Buachalla (1968: 279-81), Dawson (1992: 28-9), agus in Ó Muirí (1994: 76-7).

Mheas Séamus Ó Casaide (1933*a*: 81) gur cailleadh Peadar Ó Gealacháin thart ar mhí Feabhra 1860, tharla go ndeirtear sa chaoineadh a rinne Denis Barrington O’Sullivan air gur éag sé ‘[n]ot many days’<sup>2749</sup> i ndiaidh James Martin, a fuair bás ar an 25 Eanáir 1860. Chreid Owen Smyth amhlaidh,<sup>2750</sup> an té a fuair tamall, thart faoin mbliain 1898, den lámhscríbhinn deiridh a scríobh Peadar. Bhí an lámhscríbhinn de chóir a bheith i mBéarla go léir, thart ar 90-100 leathanach ‘in an unfinished state’ a méid, agus drochbhail uirthi ag an am sin, fiú.<sup>2751</sup> Cnuasach de shaothar Shéamuis Uí

<sup>2749</sup> Is fiú briathra na mairgne a thabhairt anseo, cé go bhfuil siad i gcló cheana in Ó Casaide (1933*a*: 81), Ó Buachalla (1968: 254), Dawson (1992: 141-2), agus in Cooney (2014: 370). Déantar trácht ar bhás James Martin, a cailleadh ar an 25 Eanáir 1860, sa chéad líne,

Not many days after our dear friend departed,  
Eternity’s agent another bard smote;  
I mean our dear GALLEGAN, kind and true hearted,  
Who latterly from Old Kilmainhamwood wrote,  
For thirty-nine years he was among your diarists,  
Was second to none of your quodlibetarians,  
Tho’ dreaded by pedants and abecidarians,  
They might for instruction his writings oft’ quote.

<sup>2750</sup> Seo briathra Owen Smyth: ‘Peter himself is long since gone the way of all flesh—he died in the year 1860, but it is fortunate that this old MS. book of his, in which he copied most of James Tevlin’s songs ...’ (Ó Casaide 1939: 83).

<sup>2751</sup> Lámhscríbhinn chaillte, is dócha. Pléadh an bhaint a bhí ag an scríobhaí, Owen Smyth (*q.v.*) le LN G809 i nóta 2654. Le linn do John McCall a bheith ag déanamh taighde ar fhilíocht Shéamuis Uí Theibhlin, scríobh sé chuig Owen Smyth, agus tá cuid de fhreagra Owen curtha síos ag John McCall ina leabhar staire ar na halmanaig,

Peter Gallegan... transcribed [dánta Shéamuis Uí Theibhlin] into a MS. collection of 90 pages or so. Peter ... died in the year 1860, but it is fortunate that this old MS. book of his, ... has lately turned up in the hands of a near neighbour of mine, and who has kindly lent it to me ...

Tugann Ó Casaide (1939: 83) cuntas maith ar an dóigh ar chuidigh Owen Smyth leis, About 1898 Owen Smith lent the MS.—a soiled well-thumbed volume of nearly 100 pages—to John McCall, who inserted in his History a catalogue of the forty poems of Tevlin’s, which it contained. McCall had the foresight to copy in full the two poems in Irish—the Dialogue (with English metrical version) between Death and the Cripple ..., and Tevlin’s Lamentation for his broken Pipe.

Of the seven verses—each ending with a line in Irish—of an elegy on Patrick Fennelly, of Moynalty, it appears that the first and sixth verses were composed by Galligan. ... Owen Smith also had the loan of a large MS. volume of about 900 pages 4to, ... [i]n it the scribe had inserted a memorandum of the places, with dates at which he had taught school in the years 1814–1826.

Is í LN G809 an ‘large MS. volume’, agus caithfidh sé go bhfuair Owen iasacht di ó Thomas Boylan. Má ba ó Thomas Boylan a fuair sé tamall de LN G809, is féidir gur leis fosta an lámhscríbhinn bheag 90 leathanach, cé nár chomharsana béal dorais leis riamh iad, go bhfios dom. Nuair a fuair Thomas Boylan bás, d’fhág sé LN G809 aige.

Is cosúil, mar a scríobhadh thuas, go bhfuil an lámhscríbhinn 90 leathanach caillte, ach is féidir go bhfuil duilleog amháin di fós againn. Pléadh na bloghanna éagsúla atá in LN G809, idir ff. 48, 49, i nóta 2654 thuas, ach díreofar ar bhlogh (*c*) go speisialta anseo. Is duilleog ó lámhscríbhinn eile de chuid Pheadair Uí Ghealacháin é blogh (*c*), é uimhrithe 85-6, ina stíl dhéanach peannaireachta, agus salach go leor. Ar lch 85, tá an dán Béarla, *Oh! Erin your vallies are fruitful and green*. Seacht véarsa

Theibhlin a bhí inti. D’fhoghlaim iarua Pheadair, Pat Galligan, amhrán déanach de chuid Pheadair, ceann de na cinn is déanaí dár chum sé, de réir dealraimh; rásanna a tharla sa bhliain 1859 ab ábhar dó.<sup>2752</sup> Adhlacadh Peadar i reilig Chill

Mhaighneann—ní fios cá bhfuil a bhean curtha—agus d’aimsigh Énrí Ó Muirgheasa (1915: 341) fothracha a sheantí in Ard Mhacha Bréige go luath san 20ú hAois.

**2.172. Muiris Ó Gormáin,**<sup>2753</sup> fl.1734-88<sup>2754</sup>

[Maurice Gorman]<sup>2755</sup>

**ARÉ 23D33 (227).** ‘Comhairle Mhic Clámha’, dán le Séamus Mac Cuarta.

---

atá sa dán agus críochnaíonn sé i lár lch 86, áit a dtosaíonn ‘The Author’s Lamentation in Irish for his Pipe which was Broken’, *Thuit mo phíopa air an talamh*.

Tá na cóipeanna a scríobh John McCall agus dá ndearna Ó Casaide (1939: 83) tagairt thuas, mura bhfuil dul amú orm, in LN G800. Ní lámhscríbhinn ach dhá dhuilleog mhóra atá inti. Ar f. 1, tá na leaganacha Gaeilge agus Béarla de ‘Death and the Cripple by James Tevlin’, *Tráthnóna liom féin se thainic an bas fa mo d[h]ein*. Tugtar ar f. 2 an dán atá i mblogh (c), agus é faoin teideal céanna, ‘The Author’s lamentation in Irish for his Pipe which was broken’, *Thuit mo phíopa air an talamh*. Ag bun an leathanaigh, tugtar véarsa amháin de dhán macarónach, ‘Patrick Finnelly’s Elegy Moynalty’, ina bhfuil an líne dheiridh de gach véarsa i nGaeilge. Tugann John McCall an líne deiridh do na sé véarsa eile, agus tá nóta aige gurbh é an scríobhaí, ‘Peter Gallegan’, a cheap véarsaí 1 agus 6. Dhealródh sé go raibh John McCall ag tarraingt ar an lámhscríbhinn 90 leathanach úd de chuid Pheadair Uí Ghealacáin, agus LN G800 á grafadh aige, agus is beag idir an chóip den dán *Thuit mo phíopa ar an talamh* i mblogh (c), agus í siúd atá in LN G800. An féidir gurb é blogh (c) lgh 85-6 den lámhscríbhinn deiridh a ghráf Peadar Ó Gealacáin thart faoin mbliain 1860?

<sup>2752</sup> Cuireadh an t-amhrán seo i gcló in Fitzsimons (1974: 205-6) ó bhéalaithe Pat Galligan, a fuair é ó Larry Stafford, fear áitiúil. Luaitear an dáta 1859 san amhrán féin. Bhí eolas ag Pat Galligan ar leabhar Énrí Uí Mhuirgheasa; is dóigh gur léigh sé é.

<sup>2753</sup> Is i bpeannaireacht Mhuiris Uí Ghormáin atá LB Eg. 210, ff. 64-69b, ach ós rud é nach bhfuil scríofa ar na duilleoga seo ach oidis dúigh agus téacs Béarla, fágtagar as an áireamh í anseo. Leagtar an lámhscríbhinn uilig ar Mhícheál Ó Longáin sa *B.M. Cat.*, ii, 415. Cinneadh ar ARÉ 23F14 (88) a fhágáil ar lár, cé gur scríobh Eoghan Ó Comhraí gur ghráf Muiris Ó Gormáin í timpeall na bliana 1770, *R.I.A., Cat.*, 258, óir ní réitíonn an pheannaireacht lena lámh. Deirtear sa lámhliosta, *Gaelic MSS. N.L.I.*, a chuir lucht na Leabharlainne Náisiúnta le chéile, gur féidir gur scríobh Muiris Ó Gormáin agus Henrí Mac an tSaoir LN G1009 sa bhliain 1789, ach tá an lámhscríbhinn í lámh Henrí Mhic an tSaoir amháin. Maidir le lámhscríbhinní nár fágadh ar Mhuiris Ó Gormáin go dtí seo, féach na nótaí atá leis an liosta seo.

<sup>2754</sup> Is nós, beagnach, glacadh leis an mbliain 1794 mar dháta báis Mhuiris, ar bhonn an nóta a chuir Séamus Ó hArdagáin le LB Eg. 129, f. 1b, ina ndeirtear gur cailleadh Muiris ‘in the greatest poverty in a ground-cellar in Mary’s Lane, Dublin, about 1794’, *B.M. Cat.*, i, 597-8. Is fearr le Sharpe (2013: 118) dáta a bháis a shuíomh thart faoin mbliain 1788, agus tá údar maith aige lena rá. Scríobh Sharpe (2016: 208 n.14) nach eol dúinn go raibh Muiris beo tar éis na bliana 1787, ach is dóigh gur chuidigh sé le Charlotte Brooke *Reliques of Irish Poetry* (1789) a réiteach, agus go raibh sé fós ag cur laoithe chuici chomh mall le mí Iúil 1788, nó ina dhiaidh sin (féach deireadh an chuntais seo). Tuigeadh di go raibh sé ina bheatha go fóill nuair a cuireadh an leabhar chuig an gclóidóir, ach ní leor sin, is dóigh, lena rá gurbh ann do Mhuiris sa bhliain 1789. Déantar plé gairid ar cheisteanna eile a bhaineann le dáta a bháis in Aguisín 16, áit a dtugtar roinnt tagairtí fáin do chuid lámhscríbhinní Mhuiris a bheith á scaipeadh ó áit go chéile chomh fada siar le tús na 1790í.

<sup>2755</sup> Tá an fhoirne Bhéarla ‘Maurice O’Gorman’ chun tosaigh le roinnt blianta anuas, ach is annamh a d’úsáideadh Muiris í. Féach Ní Mhunghaile (2009a: 218); tugann sé ‘Maurice Gorman’ agus ‘Maurice Gorman’ air féin sna lámhscríbhinní luatha.



**ARÉ 24A4 (232).** ‘Oidhe Chloinne Lir’. 1786.

**ARÉ 23B28 (299).**\*<sup>2756</sup> Formhór di.<sup>2757</sup> Dánta le Toirdhealbhadh Ó

Cearbhalláin, [Pádraig Mac a Liondain], amhrán, ‘Pléaráca na Ruarcach’.

**ARÉ 23M4 (332).**† Formhór di.<sup>2758</sup> Sleachta as ‘Sanas Cormaic’, as na

hannála, nóta ar ogham, seanchonradh, amhráin, ainmneacha ban, nótaí ar

sheanúdair, dánfhocail, [‘Deilín na mBacach’], liosta luibheanna, scéal ar San

Veronica, ar Naomh Colum Cille, laoi fiannaíochta, ginealaigh, ríthe na

hÉireann. 1776.

**ARÉ 23D7 (397).**† Giota de thráchtas gramadaí, laoi fiannaíochta, [‘Eachtra

Aodha Mhig Oireachtaigh’], rainn, dánta le hEoghan Ó Donnghaile,

Donnchadh Mac Cathasaigh, ‘Tuireamh Mhaly Ní Bhruin’, ‘Tuireamh

Shomhairle Mhic Dhomhnaill’, ‘Tuireamh Néill Óig Mhic Mhurchadha’,

‘Turas an Locha Deirg’. [? 1728].<sup>2759</sup>

**ARÉ 23I30 (416).**† Teagasc Críostaí, búrdún. 1736.

---

<sup>2756</sup> Féach nóta 2964 thíos.

<sup>2757</sup> Níl na nótaí gramadaí ar lgh 43-5 i lámh Mhuiris Uí Ghormáin, agus ní heol dom cé a ghráf iad.

<sup>2758</sup> Is cnuasach bloghanna ó lámhscríbhinní éagsúla atá in ARÉ 23M4 (332), iad faoi cheangal, agus duilleoga bána curtha isteach eatarthu. Scríobh Seán Ó Donnabháin agus Edward O’Reilly (ceapaim) clár den ábhar Gaeilge, agus nótaí fáin anseo is ansiúd, ar na hidirduilleoga seo.

Grafadh cuid den ábhar atá inti chomh fada siar leis an dara leath den 17ú hAois, ceapaim, ach is nótaí fáin agus dréachtaí garbha i lámh Mhuiris Uí Ghormáin an chuid is mó den ábhar. Is dóigh liom gur scríobh sé lgh 2, 5, 10, 13-14, 17, 21-2, 25-6, 30, 33, 37-8, 41-2, 44, 51 (?), 57-8, 61-2, 65-6, 69, 73-6, [? 79-80, 83-4, 87-8, b’fhéidir], 93-4, 97, 147-8, 169-70, 173, 177-8, 181, 183-4, 187-8, 193-4, 197-8, 201-2, 205-6, 209-10, 213-14, 217-18, 221-2, 225-6, 229-30, 233, 239-40, 253-4, 259, 365, 267, 271-2, 275-6, 279, 283, 287-8, 292, 295-6, 299-300, 303-4, 308, [? 313], 314. Níl síniú le ceann ar bith de na leathanaigh seo, ach tá mí na Samhna 1776 mar dháta scríofa leis na sleachta annála ar lch 264.

Is dóigh liom gur scríobh Risteard Tuibear lch 55, agus gur blogh de lámhscríbhinn le Séamus Bacach Mhag Uidhir iad lgh 127-8. Ba é Seon Mhac Solaidh, ar ndóigh, a scríobh an litir ar lgh 162-5, agus tá litir dar dáta 1725 i lámh Thaidhg Uí Neachtain ar lch 1. Tá an pheannaireacht ar lgh 123-6, 143-6 cosúil le stíl Thaidhg Uí Neachtain. Scríobh Edward O’Reilly agus Seán Ó Donnabháin cuid de na bloghanna ar lgh 314-15. Ní heol dom cé a scríobh na dánta molta ar an Ath. Séamus Ó Dubhthaigh agus ar an Ath. Philip Mac Ardghail ar lgh 135-6, ach níorbh é Muisir a scríobh iad, agus tá an pheannaireacht chéanna ar lgh 241-6.

<sup>2759</sup> Deir Mag Uidhir (1977: 56-7), a thugann B ar ARÉ 23D7 (397) ina liosta foinsí: ‘Ón ábhar atá ann is cosúil gur scríobhadh an lch seo i dTuaisceart na hÉireann san ochtú céad déag. Ní luaitear ainm an scríobhaí nó bliain a scríofa, ach ó fhiúir áirimh atá ar lch . 62 agus ar lch. 90 den lch, táimse den bharúil gur scríobhadh sa bhliain 1728 í. Scríobhaí oilte a scríobh’. Agus deir sé in áit eile: ‘An leagan is sine, B, a scríobhadh síos sa bhliain 1728...’ (Mag Uidhir 1977: 76).

**ARÉ 23D16 (506).**\* Cuid di.<sup>2760</sup> Dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh, [Tomás Ó Bacacháin, Peadar Ó Doirnín], Baothghalach Ruadh Mac Aodhagáin, Lughaidh Lámhfhada, Aonghus na nAor, Cathaoir Bacach, amhrán, laoi fiannaíochta, autograf, búrdúin agus dánfhocail, dánta grá, [‘Duan Uí Dhubhagáin’], ‘Tuireamh an Athar Philip Uí Raghallaigh’, ‘Comhartha na nEach’, [‘Cáineadh Whaley’ (blogh de)].

**ARÉ 23E20 (531).**\* Cuid di. ‘Leabhar na gCeart’.

**ARÉ 23E27 (534).**\* ‘Aes Tánaise in Domuin’ (as an *Leabhar Breac*).

**ARÉ 23N1 (557).**† Na hoghaim i *Leabhar Bhaile an Mhóta*.

**ARÉ 23A45 (629).** Dánta le Conn Ó Néill, [Seán Ó Maoil Chonaire], Séamus Mac Cuarta, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, Seán Ó Neachtain, Donnchadh Mór [Ó Dálaigh], Tadhg Ó Neachtain, búrdúin agus dánfhocail, trácht ar an Dán Díreach, ‘Conspóid Dhonnchaidh Mhic Labhradha agus Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’, ‘Imtheacht Merlínó Maligno’, ‘An Ceithearnach Caoilriabhach’. 1745.

**ARÉ 23I22 (630).** Dánta le [Séamus Mac Cuarta], ‘Marbhnaoi Bhriain Mhig Mhathghamhna’, ‘Seanmóir Aoine an Chéasta’, ‘Beatha agus Bás St. Mairghréad’, ortha.

**ARÉ 23H23 (631).** Catalóg lámhscríbhinní Gaeilge. 1761.

---

<sup>2760</sup> Tá an comhdhéanamh céanna ag an lámhscríbhinn seo, ARÉ 23D16 (506), agus atá ag ARÉ 23M4 (332); féach nóta 2758 thuas. De réir mar is féidir liom a dhéanamh amach, scríobh Muiris Ó Gormáin lgh 47, 57, 61-2, 65-6 (seachas an chuid íochtarach de lch 66), 69-70, 89, 93-4, 97-8, 101-2, 105-6, 109-10, 113-14, 117, 123-6, 129-30, 133-34, 139-40, 143-4, 164, 167-74, 185-6, 189-90, 193-4, 197-8, 201-2, 212, 216, 220, 223-4, 227, 231-2, 235-6, 239, 251-2, 259, 261-2, 313, 357-8, 399-400, 411, 415, 416. Tá cuid acu, m.sh. lgh 123-6, sa stíl pheannaireachta a chleachtaigh Muiris in aois a óige, cuid eile acu is dréachtaí fíorgharbha iad sa dóigh nach éasca a rá amanna gurbh eisean a ghráf iad ar chor ar bith. Tá ceithre rud eile le tabhairt faoi deara: (1) níorbh é Muiris a ghráf an chóip den dán ar an Ath. Proinsias Mag Mathghamhna, lgh 157-8, 161, atá istigh leis an lámhscríbhinn seo—tá sí i lámh an té a ghráf na dánta ar an Ath. Séamus Ó Dubhthaigh agus ar an Ath. Philip Mac Ardghail in ARÉ 23M4 (332); (2) ghráf Henrí Mac an tSaoir an dán le Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna ar lgh 85-6; (3) ghráf Aodh Ó Dálaigh an chóip den aoir ar Shéarlas Ó Luinín atá ar lgh 149-50, 153-5; (4) scríobh Fearghal Ó Raghallaigh lch 418.

**ARÉ 23N5 (632).** Cuid di. Autograif.

**ARÉ I.v.1 (e-g, i-j) (745).** Cuid di. ‘Tuireamh Aodha Uí Ruairc’, ginealaigh, liosta sloinnte, *Botanologia Universalis Hibernica* (1735), amhrán, liostaí foclóra.

**ARÉ E.ii.1 (746).** Cuid di. Dánta le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin. 1771.  
[? Do *Chathal Ó Conchubhair*].<sup>2761</sup>

**ARÉ C.i.3 (d) (750).\*** Dánta le Giolla Modhubhda Ó Caiside, [Seán Ó Maoil Chonaire], Séafraidh Ó Ruairc, Séamus Mac Cuarta, búrdúin. [? Do *Chathal Ó Conchubhair*].<sup>2762</sup>

**ARÉ 23F11 (758).\*** Cuid di. Sleachta as annála, as an *Leabhar Laighneach*, ‘Timna Chathair Móir’, ginealaigh. [Don *Chevalier O’Gorman*].

**ARÉ 23F15 (759).\*** Cuid di. Ginealaigh. [Don *Chevalier O’Gorman*].

**ARÉ 24L30(1) (772).**<sup>†2763</sup> Dán le Séamus Mac Cuarta, laoi fiannaíochta.

**ARÉ 23C30 (a) (783).**<sup>†</sup> Dánta le Fearghus mac Finn, Seán Ó Maoil Chonaire, laoithe fiannaíochta.

**ARÉ A.v.3 (934).\*** Formhór di. Sleachta as *Annála na gCeithre Máistrí*.  
[c.1777. Do *Chathal Ó Conchubhair*].

**ARÉ 23P11 (944).\*** Formhór di. Sleachta as *Annála Inis Faithleann* agus as *Annála Chonnacht*. [Don *Chevalier O’Gorman*].<sup>2764</sup>

---

<sup>2761</sup> Féach nóta 2898 thíos.

<sup>2762</sup> Chuir Cathal Ó Conchubhair nóta le ARÉ C.i.3 (d) (750), lch 1, áit a ndeir sé gurbh é Muiris a scríobh an chuid seo, agus gur ‘Beag meas ar an obair so anos’. Féach an *R.I.A. Cat.*, 2307, 2311.

<sup>2763</sup> Dhá bhlogh ar leith atá sa lámhscríbhinn seo agus uimhriú leathanach ar leith ar gach ceann acu—ríomhadh de réir duilleog sa chéad chuid, agus de réir leathanach sa dara cuid. Tá ff. 1-17 i lámh Mhuiris Uí Ghormáin, dar liom.

<sup>2764</sup> Ní thugtar ainm an phátrúin sa lámhscríbhinn seo, ARÉ 23P11 (944), mar aon leis na cinn seo, ARÉ 24D9 (1039), ARÉ 24D18 (1043), ARÉ 24D11 (1050), ARÉ 23F10 (1195), ARÉ 23F12 (1196), agus ARÉ 24G20 (1203), ach glacaim leis gur don Chevalier O’Gorman a scríobhadh iad toisc gur aithníodh iad mar ‘O’Gorman MSS.’ san *R.I.A. Cat.*, rud a chiallaíonn, is dócha, go raibh siad i gneuasach an Chevalier O’Gorman nuair a fuair sé bás sa bhliain 1809. Sleachta as téacsanna stairiúla agus ginealaigh atá iontu, cuid acu i lámh Mhuiris, taobh le lámha scríobhaithe eile ar fhostaigh an

**ARÉ 23H39 (985).**<sup>†</sup> *Blogh di.*<sup>2765</sup> Dán le Séamus Mac Cuarta, aistriúchán Béarla ar dhán Gaeilge.

**ARÉ 23F7 (986).**\* *Annála Chonnacht.* 1783. Don *Chevalier O’Gorman.*

**ARÉ 23F8 (987).**\* *Annála Chonnacht.* [1783]. Don *Chevalier O’Gorman.*

**ARÉ 23F4 (990).**\* *Annála na gCeithre Máistrí.* [c.1777-8]. Don *Chevalier O’Gorman.*

**ARÉ 23F5 (991).**\* *Annála na gCeithre Máistrí.* [c.1777-8]. Don *Chevalier O’Gorman.*

**ARÉ 23F6 (992).** *Annála na gCeithre Máistrí.* 1778. Don *Chevalier O’Gorman.*

**ARÉ 24D9 (1039).**<sup>†</sup> *Bloghanna di.*<sup>2766</sup> Ginealach Fhearghail Mhic Gadhra (as *Annála na gCeithre Máistrí*), ginealaigh mhuintir Mhic Con Mara. [Don *Chevalier O’Gorman*].<sup>2767</sup>

**ARÉ 24D18 (1043).**<sup>†</sup> *Blogh di.*<sup>2768</sup> Na h*Approbationes* in *Annála na gCeithre Máistrí.* 1781. [Don *Chevalier O’Gorman*].<sup>2769</sup>

**ARÉ 24D11 (1050).**\* Aistriúchán Béarla ar *Annála Inis Faithleann.* [Don *Chevalier O’Gorman*].<sup>2770</sup>

**ARÉ B.i.2a (i9) (1079).**<sup>†</sup> Amhrán. [? Do *Chathal Ó Conchubhair*].<sup>2771</sup>

**ARÉ 24C55 (1185).**<sup>†</sup> *Bloghanna di.*<sup>2772</sup> Dán le Séamus Mac Cuarta, nótaí. 1753.

---

Chevalier O’Gorman iad; aithnítear peannaireacht Thaidhg Uí Fhlannagáin agus Pheadair Uí Chonaill i measc na lámh éagsúil.

<sup>2765</sup> Lgh 39, 43.

<sup>2766</sup> Dhealródh sé, ar an bpeannaireacht, gur bhreac sé lgh 148-50, 210-13, 238.

<sup>2767</sup> Féach nóta 2764 thuas.

<sup>2768</sup> Lgh 10-12.

<sup>2769</sup> Féach nóta 2764 thuas.

<sup>2770</sup> Féach nóta 2764 thuas.

<sup>2771</sup> Níl ach duilleog amháin ann, ach tá ceartúcháin uirthi i lámh Chathail Uí Chonchubhair.

<sup>2772</sup> Tá a lámh le haithint ar lgh 522-33, 570. Ní dóigh liom, áfach, gur scríobh sé lgh 534-8, mar a tuairimíodh san *R.I.A. Cat.*, 3180.

- ARÉ 23F10 (1195).**\* ‘Leabhar na gCeart’. [Don *Chevalier O’Gorman*].<sup>2773</sup>
- ARÉ 23F12 (1196).**\* Cuid di. Sleachta as *Annála na gCeithre Máistrí*. [Don *Chevalier O’Gorman*].<sup>2774</sup>
- ARÉ 24G20 (1203).**\* Blogh di. Sleachta as annála, srl. [Don *Chevalier O’Gorman*].<sup>2775</sup>
- ARÉ 23Q11 (1244).**\* ‘Vallancey Fragments’, Iml. 1: *Lebar Aicle*, ‘Senchus Már’, srl. [Do *Charles Vallancey*].<sup>2776</sup>
- ARÉ 23Q12 (1245).**\* [‘Vallancey Fragments’], Iml. 2: *Lebar Aicle*, ‘Acallam in Dá Thuarad’, srl. [Do *Charles Vallancey*].
- ARÉ 12K32 (1246).**\* Nótaí fáin, ar *Leabhar Bhaile an Mhóta*, srl. [Do *Charles Vallancey*].
- ARÉ 24D8 (1247).**\* Aistriúcháin Bhéarla ar ábhar ARÉ 23Q11 (1244) agus ARÉ 23Q12 (1245). [? Do *Charles Vallancey*].
- ARÉ 12O7 (1258).**† Blogh di.<sup>2777</sup> Sleachta as *Annála na gCeithre Máistrí*.
- COBÁC M19.** Formhór di.<sup>2778</sup> ‘Mac na Míchomhairle’. 1734.
- COC M20 (20).** *Focloir no Sanasan Nua Uí Chléirigh*, dán Aonghus na nAor. 1766. Do *Chathal Ó Conchubhair*.<sup>2779</sup>
- CT H.1.1-2 (1278).** *Annála Chonnacht*. 1764. [Don Dr *Francis Stoughton Sullivan*].<sup>2780</sup>

<sup>2773</sup> Féach nóta 2764 thuas.

<sup>2774</sup> Féach nóta 2764 thuas.

<sup>2775</sup> Féach nóta 2764 thuas.

<sup>2776</sup> Mheas Eoghan Ó Comhraí gur scríobhadh an t-imleabhar seo, agus an ceann romhainn, thart ar an mbliain 1790 don Royal Dublin Society, *R.I.A. Cat.*, 3451-2.

<sup>2777</sup> Lgh 404, 406, 408. Tá aistriúchán Béarla ar na leathanaigh os comhair an ábhair Ghaeilge, ach níl an t-aistriúchán i láimh Mhuiris Uí Ghormáin.

<sup>2778</sup> Tá lgh [1]-[50], príomhchuid na lámhscríbhinne sin, COBÁC M19, i láimh Mhuiris Uí Ghormáin, agus tugann sé an 15 Meán Fómhair 1734 mar dháta scríofa ar lch [49]. Cé nach raibh mé in ann comhdhéanamh na lámhscríbhinne a scrúdú, is féidir gur duilleog fáin iad lgh [51]-[52]. Shínigh Bryan Reagh Mac Mahon ó pharóiste Chluain Tiobrad lch [51] sa bhliain 1778, agus tá cúpla rann de dhán Gaeilge ar lch [52] nach bhfuil i láimh Mhuiris Uí Ghormáin. Is dóigh gur scríobhadh iad sa dara leath den 18ú hAois.

<sup>2779</sup> Tugann Cathal Ó Conchubhair le fios i nóta a scríobh sé ar f. [70] gur scríobhadh COC M20 (20) dó.

**CT H.1.3-5 (1279).** *Annála na gCeithre Máistrí*. [Don Dr Francis Stoughton Sullivan].<sup>2781</sup>

**CT H.2.1-3 (1294).** ‘Caithréim Thoirdhealbhaigh’ [Don Dr Francis Stoughton Sullivan].<sup>2782</sup>

**CT H.2.15a (1316).**\*<sup>2783</sup> Nótaí.

**CT H.3.5 (1324).**<sup>2784</sup> Formhór di. Sleachta as *Annála Inis Faithleann*, as ‘Leabhar na gCeart’, liostaí ríthe, saothar staire a bunaíodh ar ‘Foras Feasa air Éirinn’.

**CT H.3.9 (1328).**\*<sup>2785</sup> Cuid di. Trácht ar sheacht ngrád na seanfhillí Gaeilge, [‘Suidiugad Tigi Midchúarta’], dán [le Seán Ó Maoil Chonaire], ‘Agallamh Fhinn agus Ailbhe’, ‘An Teagasc Ríoghda’. [? Do Charles Vallancey].<sup>2786</sup>

---

<sup>2780</sup> De réir liosta O’Sullivan (1976: 232, 245-50). Tá nótaí ar an duine spéisíúil seo, an Dr Francis Stoughton Sullivan (*ob.*1766) sa *B.M. Cat.*, i, 499 n.1, sa *T.C.D. Cat.*, xi-xii, in Lloyd (1912: 19n.), O’Sullivan (1976), Harrison (1988: 122 n.7), Ní Shéaghdha (1989: 45-6), agus in Mac Cathmhaoil (2013: 24-6); agus tá cuid mhaith eolas beathaisnéise ar fáil ina thaobh sa phlé a rinne Donlan (2005) ar a chuid scríbhinní dlí. Féach Donlan (2005: 127-8, 133-4, 137), ach go háirithe. Is ábhar spéise go gceanglaíonn Donlan (2005: 133) stair an Dra Thomas Leland, *History of Ireland from the Invasion of Henry II to the Revolution Settlement* (1773), le mianta agus dearcadh scríbhinní Sullivan i leith stair na hÉireann. D’fhostaigh an Dr Leland Muiris Ó Gormáin c.1772 le hannála a aistriú, is dóigh. Féach fosta an réamhrá moltach a chuir Aodh Ó Dálaigh le lámhscríbhinn, CT H.1.12 (1286), a ghráf sé don Dr Francis Stoughton Sullivan sa bhliain 1746, ina bhfuil roinnt eolais faoi. Cheap Aodh Ó Dálaigh filíocht mholta air fosta, agus bíonn an chuid is mó den ábhar sin istigh le dánta eile ar mhaithe mhuintir Shúilleabháin sna lámhscríbhinní. Féach na dánta atá ar coimeád in CT H.1.13 (1287), lch 366; CT H.1.17 (1291), f. 168; CT H.5.19(8) (1391), lgh 3, 15, 49, 51; LB Eg. 139, ff. 107, 111; LN G25, lgh 21, 29, 35. Scríobh Tadhg Ó Neachtain dán molta air fosta, CT H.2.6(7) (1297).

<sup>2781</sup> Féach nóta 2780 thuas.

<sup>2782</sup> Féach nóta 2780 thuas.

<sup>2783</sup> Deir Abbott sa *T.C.D. Cat.*, 92, go bhfuil an nóta fáin seo atá i lámh Mhuiris Uí Ghormáin istigh le CT H.2.15b (1317), ach nótálann Gwynn go bhfuil an blúire seo laistigh de chlúdach tosaigh CT H.2.15a (1316), *T.C.D. Cat.*, 340-1; ina ainneoin sin, leanadh den bhotún sa chlár, *T.C.D. Cat.*, 434 col. b.

<sup>2784</sup> Deirtear sa *T.C.D. Cat.*, 118, gur ceannaíodh seo ag ceant leabhar Charles Vallancey sa bhliain 1792, ach ó tharla go bhfuil liostaí ríthe istigh leis an lámhscríbhinn, liostaí a ghráf an Dr Francis Stoughton Sullivan, is féidir gur don Dr Sullivan ghráf Muiris Ó Gormáin a chodanna féin di.

<sup>2785</sup> Deirtear sa *T.C.D. Cat.*, 354, nár ghráf Muiris Ó Gormáin an lámhscríbhinn seo, ach leagtar ar Mhuiris an cuntas ar na seanfhillí agus ‘Suidiugad Tigi Midchúarta’ sa *T.C.D. Cat.*, 121. Tar éis dom féachaint ar an lámhscríbhinn (ar mhionscannán), is dóigh liom gur scríobh Muiris: (1) an téacs ar sheacht ngrád na bhfillí; (2) ‘Suidiugad Tigi Midchúarta’; agus (3) ‘An Teagasc Ríoghda’. Ba é Charles Vallancey é féin a scríobh na gluaiseanna atá leis an dán *Aithne dam homo re haoi*, agus is dóigh liom gurbh eisean a scríobh ‘Agallamh Fhinn agus Ailbhe’. Ó tharla gur fhoghlaim Charles Vallancey an Ghaeilge ó Mhuiris, ní ábhar iontais é go bhfuil a chuid peannaireachta, nuair a scríobhann sé sa teanga sin, iontach cosúil le stíl Mhuiris, ach is líofa agus is rialta i bhfad obair Mhuiris.

**CT H.3.10 (1329).**<sup>2787</sup> ‘Ionnsoighe Maighe Léana’, ‘Cath Maighe Mucraimhe’, ‘Cath Chluana Tairbh’, dán ar bhás Bhriain Bhoróimhe. [? Do *Charles Vallancey*].<sup>2788</sup>

**CT H.3.12 (1331).**\* Cuid di.<sup>2789</sup> Foclóir Phroinsias Uailis (1706). [Don Dr *Seán Ó Fearghusa*].<sup>2790</sup>

**CT H.4.1-3 (1345).** Dánta staire agus dinnsheanchais, cuid acu le Torna, Seán Ó Dubhagáin, Giolla na Naomh Ó hUidhrín, Tadhg Dall Ó hUiginn, Tuileagna Ó Maoil Chonaire, Dubhthach Ó Duibhgeannáin, Torna Ó Maoil Chonaire, Tadhg mac Dáire Mhic Bhruaideadha, Donnchadh Ó Maoil Chonaire, Lughar, Fearghal Óg Mac an Bhaird, Flann Mainistreach, Eochaidh Ó Floinn, Mac Liaig, Cobhthach Ó Carmuinn, Cathán (?) Ó Duinnín, Diarmaid Mac an Bhaird, Eoghan Ó Donnghaile, Seán Ó Cléirigh, ‘Seanchas agus Maitheas Mhaodhóige’. [Don Dr *Francis Stoughton Sullivan*].<sup>2791</sup>

---

<sup>2786</sup> Ceannaíodh an lámhscríbhinn seo ar son Choláiste na Tríonóide ag ceant leabhar Charles Vallancey sa bhliain 1792, *T.C.D. Cat.*, 122, agus tá nótaí agus téacsanna ina lámh inti.

<sup>2787</sup> Sleachta as *Leabhar Gearr na Pailíse* atá sa lámhscríbhinn seo. Ar lch [1], scríobhann Muiris teideal agus líne thosaigh ‘Cath Cnucha’, ach téann sé uaidh sin go ceanteideal ‘Ionnsoighe Maighe Léana’. Ní fiú, mar sin, ‘Cath Cnucha’ a chur leis an gclár ábhair. Féach an *T.C.D. Cat.*, 122.

<sup>2788</sup> Ba le Charles Vallancey an lámhscríbhinn seo go dtí gur cuireadh ar ceant í sa bhliain 1792, *T.C.D. Cat.*, 122.

<sup>2789</sup> Bhí lámh ag Muiris Ó Gormáin agus ag Aodh Ó Maoil Mhuaidh (*fl.* 1718-35) sa lámhscríbhinn (O’Sullivan 1976: 236, 248). Leagtar lgh 168-324, cóipeanna de thráchtas ghradaí (agus ní den *Uraicept*; féach an *T.C.D. Cat.*, 354), ar Aodh Ó Maoil Mhuaidh sa *T.C.D. Cat.*, 123, ach ar dhóigh nach bhfeicfí go réidh é. Díreach ag deireadh an chuntais, tá nóta beag ann: ‘The present copy is in the handwriting of the scribe who copied the Annals of the Four Masters for Doctor Fergus’. Ní luaitear Muiris anseo ar chor ar bith, ach féach O’Sullivan (1976: 236, 248).

<sup>2790</sup> An Dr Seán Ó Fearghusa (*ob.c.* 1761) mac Macratha, de réir nóta gairid in ARÉ C.iii.3 (1220), lch [i], ach is mar ‘Dr. Fergus’, pátrún Aodha Uí Maoil Mhuaidh, is mó atá aithne air. Tugtar beagán eolais ar dháta a bháis i nóta 2881. Bhí cónaí air i Sr. Jervis, agus shíolraigh sé ar bhealach éigin ó mhuintir Fhearghusa Ros Inbhir. Tugtar dátaí difriúla báis dó, 1761, 1763 agus 1766; ba sa bhliain deiridh seo a díoladh a chnuasach lámhscríbhinní. Tugtar cuntas ginearálta air in Ó Casaide (1933*b*), Mac Cathmhaoil (2013: 24), *Beath.* 1560-1781, 36 col. a – 37 col. a, nótaí ar a chnuasach lámhscríbhinní in O’Sullivan (1976: 234-7), agus beathaisnéis chuimsitheach air in Ó Catháin (1988).

<sup>2791</sup> Féach nóta 2780 thuas.

**CT H.4.5 (1347).**\*<sup>2792</sup> Graiméar Uí Maoil Chonaire, dánta le Flann Mac Craith, Giolla Bhríghde Mac Con Midhe, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, Eoghan Ó Dálaigh, Maolmuire Ó Giaráin, Fear Flatha Ó Gnímh, Séathrún Céitinn. [Don Dr *Seán Ó Fearghusa*].<sup>2793</sup>

**CT H.4.6-7 (1348).**\* ‘Gabháltas na hÉireann agus Naomhsheanchus na Naomh nÉireannach’, dánta le Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Giolla Modhubhda [Ó Caiside], ‘Naomhsheanchus Naomh Inse Fáil’, ginealaigh. [Don Dr *Francis Stoughton Sullivan*].<sup>2794</sup>

**CT H.4.18 (1359).** Graiméar Uí Fhlaithbheartaigh, sanasán Gaeilge (ceangal láidir aige le *Focloir no Sanasan Nua Mhíchíl Uí Chléirigh*). 1766.

**CT H.5.17 (1389).**\* ‘Comhairle Chato’.

**CT H.5.19(3, 8) (1391).**\* Cuid díobh.<sup>2795</sup> Dánta le Seán Ó Maoil Chonaire, James Bourk, ‘Udhacht Morainn’, ‘Tecosca Cormaic’, seanráite Fhithil.

**CT H.6.11 (1415).**\*<sup>2796</sup> Cuid di. Laoithe fiannaíochta, búrdúin agus dánfhocail, ceann acu le Maghnus Ó Domhnaill, dánta le Séamus Mac Cuarta,

---

<sup>2792</sup> Ní thugtar ainm an scríobhaí sa *T.C.D. Cat.*, 172, ach deir Gwynn gur i lámh Mhuiris Uí Ghormáin atá CT H.4.5 (1347) sna ceartúcháin a chuir sé i gcúl an *T.C.D. Cat.*, 365. Deirtear sin sna ceartúcháin ar CT H.4.1-3 (1345), mar a n-áitíonn Gwynn gur sraith sé imleabhar iad (1) na trí ‘lámhscríbhinn’ seo, CT H.4.1-3 (1345); (2) CT H.4.5 (1347); agus (3) CT H.4.6-7 (1348), iad ‘bound alike, and containing transcriptions made by O’Gorman from Michael O’Clery’s collections’. Tugtar faoi deara, áfach, go síolraíonn ábhar CT H.4.6-7 (1348), ar dhóigh amháin nó eile, ón lámhscríbhinn chaillte sin a scríobh Pól Ó Colla sa bhliain 1644, agus tá an chuma ar an scéal gur scríobhadh don Dr Francis Stoughton Sullivan í, cosúil le CT H.4.1-3 (1345); féach nóta 2794 thíos. Tabhair faoi deara gurbh é Aodh Ó Dálaigh a scríobh CT H.4.4 (1346), lámhscríbhinn eile ó chnuasach Sullivan.

<sup>2793</sup> Féach nóta 2790 thuas.

<sup>2794</sup> Féach nóta 2780 thuas. Tuairimíodh sa *T.C.D. Cat.*, 172, gur scríobhadh an leabhar seo thart ar an mbliain 1770, ach má tá an ceart ag O’Sullivan (1976: 232, 248) gur scríobhadh seo don Dr Francis Stoughton Sullivan, caithfidh sé go ndearnadh sin roimh an mbliain 1766. Níl i gceist in 1770 ach tomhas garbh, de réir mar a thuigim, óir níor aimsigh mé colafon sa dá imleabhar féin.

<sup>2795</sup> Scríobh Muiris CT H.5.19(3) (1391) uilig, agus CT H.5.19(8) (1391), lgh 35-8, de réir an *T.C.D. Cat.*, 257-8; agus cé gur dóigh liom gur scríobh sé CT H.5.19(3) (1391), níor scríobh sé CT H.5.19(8) (1391), lgh 35-8, ach lch 41 amháin sa chuid sin.

<sup>2796</sup> Dealraíonn sé nach raibh Gwynn cinnte gur scríobh Muiris cuid den lámhscríbhinn seo, ach tá an méid ó lch 63 ar aghaidh ina chuid peannaireachta. Níor mhiste a lua nach dtugtar an bhliain 1754 ach sa chéad chuid den lámhscríbhinn (lgh 1-59), atá i bpeannaireacht Henry O’Brien, scoláire Muimhneach go deimhin, agus is léir gurb éard atá againn anseo, dhá lámhscríbhinn ó bhunús a ceanglaíodh go hábharach lena chéile. Féach Mag Uidhir (1977: 57) fosta: ‘Déarfainn gurbh é Muiris Ó Gormáin an scríobhaí ó lorg na láimhe. [c].1770’.



Pádraig Mac a Liondain, [Tomás Ó Cléirigh], ‘Conspóid Dhonnchaidh Mhic Labhradha agus Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’.

**KBC NKS173(2).** Dánta (trí rainn agus amhrán go mórmhór), cuid acu le Séamus Mac Cuarta, Tomás Ó Cléirigh, Cathal Mag Ruaidhrí, ‘Tuireamh na hÉireann’, laoithe fiannaíochta. 1764.<sup>2797</sup> *Do Phádraig Ó Con Cheanainn.*<sup>2798</sup>

**LB Add. 11215.\*** Blogh di. Laoi fiannaíochta.

**LB Eg. 87.\***<sup>2799</sup> Blogh di. Breiseanna agus nótaí foclóra le Foclóir Uí Bhriain.

**LB Eg. 98.\***<sup>2800</sup> *Annála Inis Faithleann.* 1783. *Don Chevalier O’Gorman.*

**LB Eg. 110.\*** Blogh di. Autograf: dán ar an Ard-Easpag Pádraig Mac Síomóin.

**LB Eg. 113.\***<sup>2801</sup> Blogh di. Autograf: dán ar an Chevalier O’Gorman.

**LB Eg. 118.\*** Blogh di. Craobhscaoileadh Theabóid de Búrc, maille le haistriúchán Béarla.

---

<sup>2797</sup> Ós rud é nár cláraíodh an lámhscríbhinn seo i gceart go fóill, b’fhiú aird a tharraingt air go gcuimsíonn an comhleabhar seo dhá bhlogh ar leith, agus áireamh leathanach dá gcuid féin orthu—cuid (1), leabhar beag páipéir, 16 lch, gan síniú ach tá dhá dháta luaite inti, an 13 Aibreán 1764 (lch 7), agus an 25 Meitheamh 1764 (lch 14)—tá an lámh comhaimseartha le Muiris Ó Gormáin, agus tá cosúlachtaí peannaireachta (agus ábhair) ann idir saothar láimhe na beirte, ach níorbh é Muiris a scríobh; cuid (2), an phríomhchuid, 192 lch, i lámh fhoirmeálta Mhuiris Uí Ghormáin, agus colafon amháin léi: ‘Iarna ghraifneadh re Muiris Ó Gorman do chum úsaide Phádrúic .h. Choncheanuin, 7 arna chriochnughadh an x<sup>amh</sup> 1a do December Aois an Tighearna an tan sin M.DCC.LX.ÍÍÍ.’ (lch 55). Deir Breandán Ó Buachalla (1975-6: 302; 1976: 81, 83) i gcúpla áit gur scríobhadh an lámhscríbhinn in 1764 agus / nó 1768, ach níl mé in ann teacht ar an dara dáta sin áit ar bith sa lámhscríbhinn, mar atá sí ar an mionscannán sa Leabharlann Náisiúnta. Tá an colafon a ghráf Muiris Ó Gormáin i gcló cheana i nóta le heagrán Craigie (1898: 286 col. a) de ‘Litir Sheoin Neilson’, a baineadh as an lámhscríbhinn seo. Féach fosta Ó Muirgheasa (1915: 148-51, 301-2).

<sup>2798</sup> Níl a dhath ar bith ar eolas agam faoi.

<sup>2799</sup> Tugtar le fios sa *B.M. Cat.*, iii, 23, gurbh iad Charles Vallancey agus Muiris Ó Gormáin a chuir na nótaí sin le LB Eg. 87. Féach go ndéanann O’Daly (1850: 34n.) tagairt do chóip den fhoclóir sin (‘the 4to. edition of O’Brien’s Irish-English Dictionary’) a bhí ina chnuasach ‘with numerous marginal notes and additional words, collected from ancient Irish MSS., in the autograph of Maurice O’Gorman, written at Dublin, in the year 1781’.

<sup>2800</sup> Ní luaitear ainm an scríobhaí sa chatalóg, *B.M. Cat.*, i, 15, ach deir Robin Flower áit eile gurbh é Muiris Ó Gormáin a scríobh, *B.M. Cat.*, ii, 48. Is é rud atá in LB Eg. 99, aistriúchán Béarla ‘[p]erhaps not altogether in T. O’Flanagan’s hand’, de réir O’Grady, *B.M. Cat.*, i, 15; míneofar seo i nóta 2940.

<sup>2801</sup> Ní luaitear a ainm sa tuairisc i gcló beag ar an lámhscríbhinn atá sa *B.M. Cat.*, ii, 611, ach féach faoi airt. 35, f. 110. Is cnuasach bloghanna í LB Eg. 113.

**LB Eg. 127.** Formhór di. ‘Pléaráca na Ruarcach’, dánta le Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, [Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna], Seán Ó Neachtain, Séamus Mac Cuarta, Séafraidh Ó Ruairc, Toirdhealbhadh Óg Mac Donnchadha, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, Tomás Ó Cléirigh, Tomás Mac Coistealbha, Diarmaid Ruadh Mac Muireadhaigh, Toirdhealbhadh Óg Ó Miadhacháin, Cathal Mag Ruaidhrí, Peadar Ó Maoil Chonaire, [Cearbhall Ó Dálaigh, Aodh Mhac Aingil], Pádraig Mac a Liondain, Seaán mac Thorna Uí Maoil Chonaire, Aonghus na nAor [Ó Dálaigh], Uilliam Ó Cléirigh, Risteard Táth, cnuasach mór de thrí rainn agus amhrán, ‘Conspóid Dhonnchaidh Mhic Labhradha agus Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’, [‘Faoistin Sheáin Cíomhán], búrdúin agus dánfhocail, cuid acu le [Tomás Déis], Cathaoir Bacach Ó Raghallaigh, Naos Ballach Ó Dálaigh, James Burk, Flann Mainistreach, Philip Ministéir, Maghnus Ó Domhnaill, Iollann Ó Caiside, ‘An Teagasg Ríoghda’, ‘Slisnech Séghainn Fhinn hUí Bhaoiscne fri hAilbhe Ghruaidhbhrich Inghin Corbmaic’ [= ‘Agallamh Fhinn re hAilbhe’], ‘Réim Ríoghraidhe Érend’, trí bhlogh as *Leabhar Bhaile an Mhóta*, sleachta as graiméir, prosóid arna tiontú go Gaeilge le John O’Bryan, ina bhfuil giotái de dhánta. Baile Átha Cliath 1774-5.<sup>2802</sup>

**LB Eg. 128.** ‘Comhairle Chato’, ‘Comhairleacha ó Ughdaraibh Maithe’, dánta le Baothghalach Ruadh Mac Aodhagáin, Bonabhentura Ó hEodhasa, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Tóraidheacht Shaidhbhe Inghean Eoghain Óig’, ‘Eachtra Mhacaoimh an Iolair’, ‘Tóraidheacht Fhiacail Ríogh Gréag’, dánta éagsúla, cuid acu le Fearghal Óg Mac an Bhaird, Anluain Mac Aodhagáin, Pádraig Mac a Liondain, Tomás Ó

<sup>2802</sup> Ní thugann Flower ach an bhliain 1775 sa chuntas atá i gcló beag aige ar an lámhscríbhinn, ach tá an colafon ina luaitear an dáta 1774 ar f. 39b i gcló aige áit eile, sa *B.M. Cat.*, ii, 67. Féach Caib. 1.2.2.3, colafon 57.

Cléirigh, Tadhg Ó Ruairc, [Uilliam Ó hÍcidhe], búrdúin agus dánfhocail, laoithe fiannaíochta, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Oidhe Chloinne Lir’, ‘Tuireamh Pheigí Déin’, ‘Tuireamh Shara Nig Uidhir’. 1748-9.

**LB Eg. 129.\*** Formhór di.<sup>2803</sup> ‘Tuireamh na hÉireann’, laoithe fiannaíochta, dán le Tadhg Dall Ó hUiginn, [‘Deilín na mBacach’].

**LB Eg. 135.\*** Cuid di. Dánta le hÉnrí Mac Tuathail, [Muiris Ó Gormáin], Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Thos. Costelly, Father Maguire, [‘Deilín na mBacach’, ‘Iomarbhágh na gCailleach’], dánfhocail, giotaí as lámhscríbhinn le Tadhg Ó Rodaighe, nótaí ar an bhféilire, nótaí agus dánta i mBéarla, ginealaigh. [Baile Átha Cliath] 1770.<sup>2804</sup>

**LB Eg. 139.\*** Cuid di. Ginealaigh, dhá dhán le Muiris Ó Gormáin, búrdúin (cuid acu le Gearailt Ó Cuileáin agus Éamonn [? Ó Caiside]), dán Aimhirghin, nóta ar lámhscríbhinn, giota den ‘Síogaidhe Rómhánach’.

**LB Eg. 146.\*** Cuid di. ‘Pléaráca na Ruarcach’, dánta le Seán Ó Neachtain, Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, [Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna], Séamus Mac Cuarta, Séafraidh Ó Ruairc, Toirdhealbhadh Óg Mac Donnchadha, Tomás Ó Cléirigh, Aonghus na nAor [Ó Dálaigh], cnuasach mór de thrí rainn agus amhrán, búrdúin agus dánfhocail, [‘Faoistin Sheáin Cíomhán], ‘An Teagasg Ríoghdha’.

---

<sup>2803</sup> Luadh sa *B.M. Cat.*, i, 600, gur scríobh Myles Gibbons an méid den lámhscríbhinn ó f. 45 amach, agus go bhfuil na nótaí ar Mhuiris Ó Gormáin ar ff. 1b, 2, ach tá ff. 35-41b i lámh eile fosta. An méid atá i bpeannaireacht Mhuiris Uí Ghormáin, ff. 3-34, 42-4, tá na stíleanna peannaireachta iontach éagsúil ann, sa dóigh gur cnuasach de bhloghanna éagsúla iad na duilleoga sin.

<sup>2804</sup> Féach nóta 2894 thíos.

**LB Eg. 151.** Cuid di. Dán Béarla ar fhuiscí, dánfhocail, bloghanna Béarla agus Laidine, [‘Deilín na mBacach’], dán Aimhirghin, dánta le Pádraig Mac a Liondain. 1761.<sup>2805</sup>

**LB Eg. 152.** Blogh di. Seanchonradh.<sup>2806</sup> 1767.

**LB Eg. 155.**<sup>2807</sup> Blogh di. ‘Cáineadh Whaley’.

**LB Eg. 161.**<sup>†</sup> Cuid di.<sup>2808</sup> ‘Marbhna Fhlainn Mhic an Bhaird’.

**LB Eg. 162 (b).**\* Dánta le Séamus Mac Cuarta, cuid de dhán Aonghus na nAor.

**LB Eg. 168.**\* Tráchtas ghramaí agus phrosóide (sleachta as *Grammatica Latino-Hibernica* agus eile), ‘Iomarbhágh na bhFileadh’.

**LB Eg. 171.**\* Cuid di. Dán leis an Ath. Cathal Mag Ruaidhrí, [‘Faoistin Sheáin Cíomhán’], búrdún.

**LB Eg. 176.** Dánta as an *Leabhar Branach*.

**LB Eg. 180.**<sup>2809</sup> ‘Beatha Fhionáin’, ‘Beatha Fionchon’, ‘Beatha Ailbhe’, ‘Beatha Mochua’, ‘Beatha Maodhóg’, ‘Beatha Finnéin’, ‘Beatha Fursa’, ‘Beatha Breanainn’, ‘Beatha Abáin’, ‘Beatha Sein-Chiaráin’, ‘Beatha Seanáin’, ‘Do Bheatha Ruadháin’, ‘Beatha Molaga’, [‘Beatha Charthaigh (*al. Mochuda*)’], ‘Beatha Eustasius’.

---

<sup>2805</sup> Is i gconradh múinteoireachta amháin a thugtar an dáta 1761; páipéir ilghnéitheacha atá sa chuid eile, agus níl sé soiléir cá ham nó cá háit ar scríobhadh iad.

<sup>2806</sup> Féach nóta 2885 thíos.

<sup>2807</sup> *B.M. Cat.*, ii, 87.

<sup>2808</sup> Ff. 66-70.

<sup>2809</sup> Mheas Flower, *B.M. Cat.* ii, 451, gurbh é ba dhóichí gur cuireadh an lámhscríbhinn seo—ar cóip í de ARÉ A.iv.1 (968)—le chéile idir 1780 agus 1781, nuair a bhí Muiris ag obair don Chevalier O’Gorman i mBéal Átha na gCarr. B’in an tuiscint a bhí ag Flower ar an scéal mar gheall ar an litir atá in LB Add. 21121, f. 3 (tagairt sa *B.M. Cat.*, ii, 48, aige), is dóigh, ach ó tharla gurb eol dúinn anois go ndeachaigh Muiris go Béal Átha na gCarr cúpla uair idir 1771 agus 1783, is féidir gur ullmhaíodh LB Eg. 180 am ar bith le linn an dá bhliain déag sin. Lámhscríbhinn measartha déanach dá chuid atá inti, measaim, de réir dhealbh na peannaireachta, agus thiocthadh do Flower a bheith ceart, nó geall leis.

**LB Eg. 662.** ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, búrdún. Baile Átha Cliath 1770. Dá charaid, *Bháitear Ó Gnúda*.<sup>2810</sup>

**LB Eg. 663.** Leabhar comhrá [le Muiris Ó Gormáin].

**LJR Ir. 65.**<sup>†2811</sup> Dánta le Colum Cille, Cormac mac Cuileannáin, ‘Aidheadh Muircheartaigh mhic Earca’, ‘Visio quam Vidit Adamnanus’ (aistriúchán neamhiomlán Béarla / Laidine taobh leis).

**LN G11.\*** *Blogh di*.<sup>2812</sup> Breiseanna: trácht ar chúrsa na gréine.

**LN G19.** ‘Materia Medica’. Baile Átha Cliath 1761.

**LN G20.\*** ‘Eachtra Chonaill Ghulban’.

**LN G28.\*** ‘Seanmóir Aoine an Chéasta’, búrdún.

**LN G38.** Dánta cráifeacha, ‘Críocha Déanacha an Duine’, ‘Tuireamh na hÉireann’, dánta le Diarmaid Ruadh Mac Muireadhaigh, [Aodh Mhac Aingil, Séathrún Céitinn, Uilliam Ó hÍcidhe], Cian Ó Mathghamhna, Tomás Déis, [Muiris mac Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt], Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Séamus Mac Cuarta, Eoghan Ó Dubhthaigh, laoithe fiannaíochta.

**LN G64.** *Focloir no Sanasan Nua* Mhíchíl Uí Chléirigh, graiméar.

**LN G133.** Laoithe fiannaíochta, ‘Mac na Míchomhairle’, búrdún, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’.

**LN G141.** ‘Pléaráca na Ruarcach’, aistriúchán Béarla Swift, leabhar comhrá.

[? Do *Thomás Ó Coinne*].<sup>2813</sup>

---

<sup>2810</sup> Níl aon rud ar eolas agam faoin duine seo, ach gur chara le Muiris Ó Gormáin é, agus go raibh sé beo ar an 29 Lúnasa 1770, nuair a scoir Muiris de LB Eg. 662 a scríobh. Féach LB Eg. 662, f. 176b, nó an *B.M. Cat.*, ii, 364.

<sup>2811</sup> Féach an *Hayes Cat.*, 710 col. b, áit a dtugtar an cuntas gairid seo uirthi: ‘Columcille’s farewell to Aran ... (by George Petrie?) mid. 19th c.’ Taispeánann nóta [? i bpeannaireacht D. H. Kelly] gur ceannafódh LJR Ir. 65 ag ceant leabhar George Petrie.

<sup>2812</sup> LN G11, lgh 457-9. Níl na nótaí ar lgh 16, 18 ina láimh, ach i bpeannaireacht Risteaird Tuibear.

<sup>2813</sup> Tuairimítear san *N.L.I. Cat.*, iv, 97, gur do Thomás Ó Coinne a scríobhadh LN G141, óir tá dhá nóta inti a thugann le fios go raibh LN G141 aige go gairid tar éis a scríofa—(1) taobh istigh den

**LN G144.** Dánta le Flaithrí mac Fithil, Ceannfaoladh, Maolmuire Othna, Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Cormac mac Cuileannáin, Fercheirtne, Maoilín Mac Bruaideadha, Torna Ó Maoil Chonaire, Tadhg mac Dáire [Mhic Bhruaideadha], Dubhthach Ó Duibhgeannáin, Seán Ó Dubhagáin, ginealaigh, ‘Leabhar Gabhála’ (leagan Uí Chléirigh), ‘Comhrac Fhirdhia agus Chon gCulainn’, ‘Eachtra Fhearbhlaidhe Inghean Ríogh Alban agus Chearbhaill Uí Dhálaigh’, ‘Comhairle Chato’. Baile Átha Cliath 1767.

**LN G145.** ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Buidhean Bheag na hAlmhaine’, ‘Eachtra an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Buidhean Chéise Corainn’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘An Bhruidhean Chaorthainn’, ‘Eachtra an Ghiolla Dheacair’, ‘Tóraidheacht Shaidhbhe Inghean Eoghain Óig’, ‘Mac na Míchomhairle’. 1766.

**LN G146.** ‘Eachtra an Pháláis Dhraoidheachtamhail’, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh Choille Chompáisigh’, ‘Eachtra Risteaird agus Lisarda’, ‘Feis Tighe Chonáin’, ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’, ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh’. Baile Átha Cliath 1770.

**LN G147.** ‘Beatha Mhic Maghnuis’ [= ‘Me Guidhir Fhearmanach’], ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Cath Chluana Tairbh’, annála, ‘Tóraidheacht Fhiacail Ríogh Gréag’, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’. 1766.

**LN G171.\*** Graiméar Gaeilge an Ath. Cornelius O’Flaherty, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Eachtra Chonaill Ghulban’, ‘Eachtra Ridire na Leomhan’.

**LN G333.** ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’. 1752. Don Dr *Seán Ó Fearghusa*.<sup>2814</sup>

---

chlúdach tosaigh, ‘Ag seo leabhar Thomais Ó Chuinne 1773’; (2) lch 1, ‘Thomas Quin his Irish book 1770’.

<sup>2814</sup> Féach nóta 2790 thuas.

**LN G447.\*** Cuid di. Dánta, cuid acu le Tomás Ó Bacacháin, [Séamus Mac Cuarta], nótaí ar leabhair, búrdúin agus dánfhocail, ceann acu le Muiris Ó Gormáin, scéal ar Cholum Cille, amhráin.

**LN G449.\*** Cuid di. ‘Timna Chathair Móir’ (sliocht as ‘Leabhar na gCeart’).

**LN G458.** Cuid di. Dánta le Tomás Ó Bacacháin, búrdúin agus dánfhocail, nótaí ar lámhscríbhinní, giotaí de dhánta éagsúla, dán molta ar an Ath.

Proinsias Mag Mathghamhna, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Tuireamh an Athar Philip Uí Raghallaigh’.

**LN G482\*.** Formhór di.<sup>2815</sup> Dánta leis an Ath. Cathal Mag Ruaidhrí, laoithe fiannaíochta, ‘Tuireamh Shára Nig Uidhir’, búrdún, ‘Tuireamh Pheigí Déin’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’.

**LN G664.** Catalóga lámhscríbhinní agus leabhar, aistriúcháin ar dhánta le Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin. **1772:**—Teach Mrs. Ross, Fleet Lane,<sup>2816</sup> Sr. an Choláiste, Baile Átha Cliath; **1776:**—Teach William Mekan, \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane],<sup>2817</sup> Baile Átha Cliath 1772-6.

**LN G995.†** Tráchtas leighis.

**MN C71 (c29).\***<sup>2818</sup> Cóipeanna de sheanchonarthaí.

**MN C87 (a).**<sup>†2819</sup> ‘Laoi Chatha Gabhra’.

---

<sup>2815</sup> Chuir Henrí Mac an tSaoir clár leis an lámhscríbhinn ar lch iii, agus ghraf sé na hamhráin Bhéarla ag an deireadh, lgh 81-91, sa bhliain 1788. Níl dáta leis an gcuid a scríobh Muiris, agus is dócha gur do Henrí Mac an tSaoir a scríobh sé í. Tá an pheannaireacht creathach, agus baineann an lámhscríbhinn seo le blianta deiridh a shaoil. Is féidir fosta gur do Henrí Mac an tSaoir a scríobh Muiris, sa bhliain 1786, an chóip de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ atá in ARÉ 24A4 (232).

<sup>2816</sup> Níl leagan maith Gaeilge ar fáil, ar ndóigh.

<sup>2817</sup> Féach nóta 614.

<sup>2818</sup> Scríobh Eoghan Ó Comhraí nóta ar an lámhscríbhinn ar an 19 Deireadh Fómhair 1854, ina dtugann sé le fios gurbh é Muiris Ó Gormáin an scríobhaí. Féach an *M.N. Cat.*, v, 129.

<sup>2819</sup> Leagann an *M.N. Cat.*, vi, 16, an chéad 12 leathanach den lámhscríbhinn seo ar Pheadar Ó Gealacáin, ach is léir go raibh dul amú ar an bhfear catalóige. Is dóigh gur bunaíodh seo ar an míthuiscint gur athscríobhadh an chéad 12 leathanach le bearna sa bhunscríbhinn (luathiaracht ó pheann Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh) a líonadh; thabharfadh an gaol le Peadar Dubh agus deisiú lámhscríbhinní Peadar Ó Gealacáin chun cuimhne go gasta, is deimhin, ach is léir gurbh é Muiris Ó Gormáin a scríobh na leathanaigh seo, agus go garbh féin. Níl ach dhá ghiota ar leith gan gaol lena chéile ó chnuasach Eoghain Uí Chomhraí sa chomhleabhar seo.

**MN C92 (g).**<sup>†2820</sup> Blogh di. Dánta, cuid díobh doléite.

**MN C112.\***<sup>2821</sup> Sleachta as annála, blogh de ‘Suidiugad Tigi Midchúarta’, ábhar as an *Leabhar Branach*.

**MN C113 (i,j38).**\* Formhór díobh.<sup>2822</sup> Autograif, dán [le Peadar Ó Doirnín].

**MN LM3.**<sup>†2823</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta, Cathal Mag Ruaidhrí, [Eoghan Ó Donnghaile], dánfhocail, ‘Tuireamh na hÉireann’.

**NE P36.** Blogh di. Dán molta ar Hugh Percy. Ag Comhartha an *Mashing Keeve*, Lána Mhuire, Baile Átha Cliath [1763].<sup>2824</sup> Do *Hugh Percy, Iarla Northumberland*.<sup>2825</sup>

**HLSM STG/29(60).** Dán molta ar George Nugent Grenville. Baile Átha Cliath [c.1782].<sup>2826</sup> Do *George Nugent Grenville, Iarla Temple*.<sup>2827</sup>

---

<sup>2820</sup> Lgh 3-4. Blogh de sheanlámhscríbhinn í seo a scríobh Muiris go luath ina shaol. Féach nóta 1479 thuas.

<sup>2821</sup> Ff. 17-18, 40, 48-56, 64. Féach an *M.N. Cat.*, vi, 73-4.

<sup>2822</sup> Tá dánta le Muiris Ó Gormáin in MN C113 (c), ach níorbh eisean a scríobh iad. Diomaite de gur dhóigh le hEoghan Ó Comhraí gur scríobh William Haliday cuid (i), is dóigh liom féin gur scríobh Muiris Ó Gormáin na cóipeanna dá chuid dánta féin atá sa lámhscríbhinn (a thosaíonn ar lgh 2, 5, 9, 13, 17), agus an chóip de dhán le Peadar Ó Doirnín ar lch 23. Scríobh Muiris MN C113 (j38); féach an *M.N. Cat.*, vi, 82.

<sup>2823</sup> Deirtear i nóta leis an lámhscríbhinn seo go mbíodh sí i seilbh Seán O’Mahony, an Finín, agus tuairimítear gurbh eisean a scríobh í: ‘This MS. ... was probably copied by him, ca. 1860’; glacadh leis sin san *M.N. Cat.*, viii, 204. Is léir gurbh é Muiris scríobhaí MN LM3, ach go raibh sé i ndeireadh a ré agus é á scríobh, ar stíl na peannaireachta, agus mar gheall ar roinnt botún sa litriú a léiríonn go raibh meath ag teacht ar a chumas scríbhneoireachta faoi am a scríofa [? i ndiaidh 1783]. Ceann de na bunleabhair a scríobhadh sé dá phátrúin is ea í.

<sup>2824</sup> Dealraíonn sé gur seoladh an chóip seo de dhán Mhuiris chuig an bpátrún i mí na Samhna 1763, agus gur scríobhadh sa mhí chéanna í. Féach an tagairt a thugann Mahony (1987: 26) don teideal atá leis an dán,

The Following Irish Poem is humbly Dedicated to his Excellency, Hugh, Earl of Northumberland, Lord Lieutenant, General, and General Governor of Ireland; and the same translated into English, by

Your Excellencies (*sic*) most Humble and obedient Servant,  
Maurice Gorman

Professor of the Irish Language at the Mashing Keeve in Marys lane Dublin.

Luann Mahony (1987: 26) gur cuireadh nóta leis an dán i lámh eile, ‘Nov.<sup>m</sup> 1763’, agus is dóigh leis go bhfuil an dáta seo scríofa sa lámh chéanna agus í siúd a choinnigh clár d’aíonna Percy a fhad is a bhí sé ina Leasrí.

<sup>2825</sup> Féach Mahony (1987: 26 n.2) agus Mac Cathmhaoil (2013: 195).

<sup>2826</sup> Ós rud é gur ceapadh Nugent Grenville ina Leasrí sa bhliain 1782, is dóigh gur cuireadh an dán chuige thart faoin am sin. Tugtar teideal an dáin in Mahony (1987: 26) [agus in Mac Cathmhaoil (2013: 243)]: ‘An Irish Poem With a Translation in English ... To His Excellency George Nugent Grenvill ... By Maurice Gorman Professor of the Gaelic Language in Dublin & the last of the Irish Bards’. Tá an dán in eagar ag Mac Cathmhaoil (2013: 240-3), mar aon le beathaisnéis ar an bpátrún.



Tharla gur fhág Muiris Ó Gormáin níos mó ábhair stairiúil againn, ginealaigh ina measc, ná aon scríobhaí eile de chuid an Tuaiscirt i dtréimhse na Nua-Ghaeilge, is iontach an rud é nár thug sé a ghinealach féin in aon lámhscríbhinn dá chuid a tháinig anuas chugainn. Ós rud é nach mbacadh sé le saothar a láimhe a shíniú ná a dhátú go rialta, ní éasca cuid mhaith dár scríobh sé a shuíomh mar ba mhian linn i gcomhthéacs a shaoil féin. Is féidir na lámhscríbhinní a ghrúpáil lena chéile de réir na stíle peannaireachta atá iontu, ach is doiligh dáta a chur le formhór na ndrachaí a scríobh sé, mar gheall ar a dhroch-chumtha a bhíonn an pheannaireacht iontu. Aithnítear, de ghnáth, dhá ré ina shaol: na blianta luatha, 1734-1749, a caitheadh i gCo. Mhuineacháin, den chuid ba mhó; agus ó 1752 ar aghaidh, nuair a tháinig feabhas ar a láimh.<sup>2828</sup> Chaith sé an chuid is mó den dara tréimhse i mBaile Átha Cliath.

Ní fios cá háit ná cá huair go díreach a rugadh é, ach is dócha gur tháinig Muiris ar an saol am éigin idir 1700 agus 1710 i gCo. Mhuineacháin.<sup>2829</sup> Tá traidisiún ann gur chaith sé seal in aois a óige ag teagasc scoile i dtuaisceart Cho. Lú,<sup>2830</sup> nó i bhFoirceal, Co. Ard Mhacha, áit a ndeachaigh seisean agus Peadar Ó Doirnín in adharca lena chéile. Deirtear fosta gur buadh air nuair a chum Peadar aoir ghéar air agus ar a chuid droch-Bhéarla, sa dóigh go raibh ar Mhuiris an dúiche a fhágáil.<sup>2831</sup> Is i gcomhthéacs na haoire féin a insítear an scéal sin i dtólamh, agus taispeánann

---

<sup>2827</sup> Féach nóta 2826 thuas.

<sup>2828</sup> Tá samplaí dá láimh fhorbartha (atá le feiceáil den chéad uair in LN G333, a scríobhadh sa bhliain 1752): (1) sa *B.M. Cat.*, iii, pláta XXIV; agus (2) in *Mac Cathmhaoil* (2013: 245-6), taobh le sampla den chineál peannaireachta a d'úsáid sé i dtús a bheatha ar an gcéad leathanach eile.

<sup>2829</sup> Tuairimíonn Ní Mhunghaile (2009a: 219) go bhféadfadh sé gurb é an scríobhaí an máistir scoile darbh ainm — Gorman a bhí ag teagasc i Lána na hUillinne i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1731, ach is doiligh sin a dheimhniú. Theip orm teacht ar thagairt dheimhnitheach do Mhuiris sular ghráf sé COBÁC M19 sa bhliain 1734; agus más fíor go raibh sé i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1731, chaithfeadh sé seo amhras mór ar an áit dhúchais a cuireadh síos dó anseo, óir léireodh sé go raibh sé ag bogadh idir contaetha sula raibh sé i gCo. Mhuineacháin sna 1730í.

<sup>2830</sup> Féach an cuntas ar dhán Pheadair Uí Dhoirnín i gcorp an chuntais seo.

<sup>2831</sup> Féach nóta 2857 thíos.

cuid mhaith de na scríobhaithe a d'fhág na nótaí sin againn, Art Mhac Bionaid, Nioclás Ó Cearnaigh is Matha Mórdha Ó Graeme ina gcuid *Collectanea Grahamea*, agus Peadar Ó Gealacháin ach go mórmhór, nach raibh aon eolas ceart acu ar Mhuiris Ó Gormáin. Creideann Mac Cathmhaoil (2013)—agus is maith an t-údarás é, óir is eisean a scríobh an beathaisnéis is cuimsithí atá ar fáil ar Mhuiris Ó Gormáin—gur rugadh Muiris go gairid roimh an mbliain 1710, ar an mbonn go dtugtar ‘old Gorman’ air sna litreacha a chuir Cathal Ó Conchubhair (1710-1791) agus an Chevalier O’Gorman (1732-1809) chuig a chéile (Mac Cathmhaoil 2013: 69 *n.3*). Taobhaíonn sé leis na hargóintí a chuir Séamus P. Ó Mórdha (1957*a*) os ár gcomhair gurbh i gCo. Mhuineacháin a rugadh Muiris. Is fiú féachaint siar ar chuid d’argóintí Uí Mhórdha ar dtús. Formhór dá bhfuil i gcló ar Mhuiris thíos, is ar na hargóintí sin, agus ar na beathaisnéisí fada a scríobh Ní Mhunghaile (2009*a*) agus Mac Cathmhaoil (2013), a bunaíodh é. Tugadh cuntais eile air le déanaí in Ní Shéaghdha (1989: 50-2), *Beath.* 1782-1881, 107 col. a – 108 col. b, Sharpe (2013; 2016: 202-8), agus Smith (2017: 337-9, 342-3).

Ba é Séamus P. Ó Mórdha, mar a dúradh cheana, an chéad duine a chuir eolas ar fáil faoin mbaint a bhí ag Muiris le Co. Mhuineacháin, nuair a d’fhoilsigh sé sraith dánta a bhain le sagairt ón gcontae sin ar an *Clogher Record* idir 1955 agus 1957,<sup>2832</sup> agus bhailigh scoláirí eile ar nós Uí Dhubhthaigh (1958-61) tuilleadh leideanna faoin gceangal a bhí ag Muiris leis an gcontae sin. Réitigh Mac Cathmhaoil (2013) na dánta don chló go nua,<sup>2833</sup> agus tá dultha siar aige go mion ar bhunargóintí Uí

---

<sup>2832</sup> Moore (1955, 1956, 1956*a*), Ó Mórdha (1957*a*).

<sup>2833</sup> Deir Mac Cathmhaoil (2013: 64) gur ‘roghnú ionadaíoch’ de dhánta Mhuiris na cinn a cuireadh i gcló ina leabhar, ach ní dócha go gcuirfear mórán, nó rud ar bith ar mó é ná dánfhocal, leo. Tugann sé cruthú doshéanta go deimhin dúinn nach cóir an dán *Lá dhúinne ar Shliabh Fuaid*, a fágadh ar Mhuiris cheana féin in Ó Dubhthaigh (1958-61: 38-42), a áireamh lena shaothar: cóip de a grafadh breis agus 70 bliain sular tháinig Muiris ar an saol (Mac Cathmhaoil 2013: 63); tá an chóip seo in COBÁC A25, ar scríobhadh codanna di in 1628, agus baineann an leabhar uilig le blianta luatha na 17ú hAoise. Tá seanchóip eile in LN G1304, ff. P, A, lámhscríbhinn a ghraif Conchubhar Mhag

Mhórdha. Ó tharla gur thug sé neart eolas nua le tacú leis na hargóintí sin, déantar athchló anseo ar na cúig phointe a leag Ó Mórdha (1957a: 21) amach, maille leis an eolas breise atá in Ní Mhunghaile (2009a), Mac Cathmhaoil (2013), agus rud beag suarach nó dhó sa bhreis:

**(1) ‘Mac Gorman (as the scribe originally signed himself) is, in the North, a Monaghan surname’.**

Gheofar plé ar dháileadh an tsloinne sa Tuaisceart in Ó Fiaich (1960: 289) agus in Mac Cathmhaoil (2013: 11-15). Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, nach raibh an sloinne le fáil in áiteacha eile in Oiriaila, agus i ndúichí eile fá gcuaird, san 18ú hAois, mar atá go fóill. Fágтар faoi lucht na staire cruinneas an eolais seo a phlé, ach is dóigh liom féin nach leor an méid seo le Muiris Ó Gormáin a cheangal go sábhailte le Co. Mhuineacháin.

**(2) ‘The earliest extant manuscript, so far known, by O’Gorman was, in the scribe’s lifetime, in the possession of a Clontibret man’.**

Seo, mar a dúirt Ó Mórdha é féin, an lámhscríbhinn bheag 52 leathanach sin,

COBÁC M19, ar cóip de ‘Mac na Míchomhairle’ í a críochnaíodh ar an 15 Meán

---

Aodha (*q.v.*) [? i gCo. Ard Mhacha] sa bhliain 1681. Maidir leis an mbaint a bhí ag LN G1304 le tuaisceart Cho. Mhuineacháin, féach Caib. 1.3.3, nó an cuntas ar Chonchubhar Mhag Aodha i gCaib. 2.34 thuas. Tugtar tagairtí don sagart ó thuaisceart Cho. Mhuineacháin ar leis í lá den saol, an tAth. Philip Mac Ardghail, i nóta 2851.

An chéad chóip eile, tá sí in ARÉ 24I23 (931), lámhscríbhinn a ndearraíonn sé gur ó Oiriaila di, agus a bhí á cur le chéile chomh luath leis an mbliain 1725. Cibé rud é, is leid eile go bhfuil an téacs seo i gcuid lámhscríbhinní Mhuiris go raibh ceangal aige leis an gceantar liteartha sin. Is beag baol nár baineadh cóip Aodha Uí Dhálaigh, CT H.1.17 (1291), as ceann de na trí chóip a scríobh Muiris den dán, LB Eg. 128, LB Eg. 129, nó LN G147. Rinne Henrí Mac an tSaoir cóip eile, ARÉ F.v.5 (36), ó lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin, is dócha, agus tá seanchóip eile ó Oiriaila i láimh Eoin Mhic Cadhaidh ó dheisceart Cho. Ard Mhacha, faoin dáta 1764, in CM L11 (*b*).

Fágтар an dán *A bhean a chaoineas do chéile* ar Mhuiris fosta, ach deir Mac Cathmhaoil (2013: 63) nach féidir a bheith deimhnitheach de sin. Is é an t-aon dán a deir Muiris i lámhscríbhinn dá chuid gurbh eisean a chum í, taobh amuigh de na dánta ar na leasríthe, srl., an búrdún, *Ruire buadhach eagnaídh grinn*, ‘by M. Gor—’ in LN G447, lch 13. Déantar tagairt don nóta seo in Ó Mórdha (1957a: 20).

Fómhair 1734. Léiríonn nóta Béarla a scríobhadh ar dhuilleog fáin a ceanglaíodh le COBÁC M19 go raibh sí i seilbh Bryan Reagh Mac Mahon ó Chluain Tiobrad, Co. Mhuineacháin, sa bhliain 1778.<sup>2834</sup> Is féidir nach í COBÁC M19 an lámhscríbhinn is sine de chuid Mhuiris atá againn go fóill: ba dhóigh le Mag Uidhir (1977: 56-7) gur scríobhadh ARÉ 23D7 (397) chomh fada siar leis an mbliain 1728.<sup>2835</sup> Cé nach féidir, is dóigh, scéal a tharraingt ar an gcóip de ‘Marbhna Bhriain mhic Colla Mhig Mhathghamhna’ (*ob.*1689) atá sa lámhscríbhinn sin, ó tharla go bhfuil cóipeanna de i lámhscríbhinní eile a grafadh in Oiriaila, is ábhar spéise go bhfuil marbhna eile in ARÉ 23D7 (397) a bhfuil baint láidir aige le deisceart Cho. Mhuineacháin, agus nach bhfuil fáil air i lámhscríbhinn ar bith eile, go bhfios dom, ach in aon chóip amháin a scríobh Henrí Mac an tSaoir in LB Eg. 131, agus bheadh tuairim agam gur shíolraigh sí ón gcóip atá i lámhscríbhinn Mhuiris. Sin an mhairgne a cheap duine anaithnid ar Mhaly Ní Bhroin,<sup>2836</sup> iníon le Gearalt Ó Broin ar de shliocht uaisle Chúige Laighean

<sup>2834</sup> Shínigh sé a ainm ar lch [49] sa lámhscríbhinn, agus diomaite de gur léigh Énrí Ó Muirgheasa (féach an nóta taobh istigh den chlúdach tosaigh in COBÁC M19) agus Moore (1955: 55) ‘1775’ ar an dáta a scríobh Bryan Reagh Mac Mahon, is dóigh liom gur ceart 1778 a léamh ina áit. Is féidir gur ceanglaíodh lgh [51]-[52] le COBÁC M19 i bhfad i ndiaidh a scríofa; féach nóta 2778.

<sup>2835</sup> Maidir le ARÉ 23D7 (397), féach nótaí 2759, 2836. Sa bhlogh lámhscríbhinne atá i bpeannaireacht Mhuiris in MN C112, tá cúpla colafon athscríofa aige ón eiseamláir: ‘An tan a sgríobhadh an leab[h]ur 1726. Timchiall 2 chéad o sgríobhadh an tseanchairt’, f. 48. Ag bun f. 48v, cuid den ghiota céanna, tá an t-ainm ‘Aodh O Dalaigh’ scríofa i lámh Mhuiris, agus is soiléir, mar sin, go dtagraíonn an dáta 1726 don bhliain ar chóipeáil Aodh Ó Dálaigh an téacs, ginealach a thagraíonn do mhuintir Bhroin, agus liosta de na tailte a bhíodh ag James Byrne i gCo. Chill Mhantáin. As an *Leabhar Branach* a tháinig na píosaí seo uilig, agus is eol dúinn gur bhain Aodh Ó Dálaigh agus Mícheál Ó Broin an-chuid ábhar as an duanaire sin. Féach na sonraí faoin mbaint a bhí acu beirt agus ag Muiris leis an téacs—ba eisean a scríobh LB Eg. 176—sa réamhrá le Mac Airt (1944: xiv-xvii), áit a ndéantar plé fosta ar an tseanchairt a scríobhadh in 1622 ónar bhain Aodh Ó Dálaigh agus Mícheál Ó Broin a gcuid téacsanna. Is beag ábhar stairiúil ná ginealaigh atá i lámhscríbhinní Mhuiris nó go dtéann sé go Baile Átha Cliath.

<sup>2836</sup> Cuireadh an mhairgne seo, *Más mian daoibh aisling d’fhaicsint ar shaidhbhreas*, atá in ARÉ 23D7 (393) agus LB Eg. 131, i gcló in Ó Tuathail (1952; 1952a). Tagraítear don áit a bhfuil Maly curtha i l. 3, ‘is i dtuama Chill Eanaigh atá i dtaisgidh go déidheanach’ (Ó Tuathail 1952: 8 col. a); tá Cill Eanaigh in oirdheisceart Cho. Mhuineacháin. Is beag atá ar eolas faoi Mhaly Ní Bhroin, áfach. Tugann na línte cuid mhaith eolais dúinn faoina sinsir, agus dhealródh sé gur de mhuintir Bhroin Cho. Chill Mhantáin í ar thaobh a hathar, nó tugtar uirthi i ll. 37-8,

craobh don mbile is mór fine fá Laighnibh,

do shliocht Fhiacha Baice mhic Cathaoir, rí Éireann, ...

Is é Fiacha(idh) Baicidh atá i dtrácht ag an údar i l. 38 thuas, an té ónar shíolraigh, de réir an tseanchais, cuid mhaith d’uaisle Laighean; agus dhealródh sé gur dósan go speisialta a bhí filí an *Leabhair Bhranaigh* ag tagairt an uair a thug siad *clann Fiachaidh, crú Fiachaidh, fine Fiachaidh*,

é. Más fíor gurbh é Co. Chill Mhantáin ba threo do shinsir Mhaly, nó cuid acu, ba i dtuama Chill Eanaigh a adhlacadh í. Dhealródh sé gurb í Cill Eanaigh, paróiste atá suite taobh ó dheas de Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, an áit atá i gceist sa dán.

Thosaigh Muiris ar lámhscríbhinn eile a scríobh, cóip dhátheangach den Teagasc Críostaí, gan síniú, ar an 2 Meitheamh 1736.<sup>2837</sup> Cruthaíonn glacán dánta a cuireadh i gcló in eagrán Mhic Cathmhaoil (2013) go raibh ceangal láidir ag Muiris leis an dúiche thart ar Charraig Mhachaire Rois sna 1730í; féach go dtráchtann Muiris ar shagart a bhain leis an dúiche sin, an tAth. Philip Ó Gairnéil, a fuair bás sa bhliain 1739, ar bhealach tomhaiste pearsanta sa mharbhna a cheap sé air. Tugann sé air sa dán sin, ‘Mo chogar i gcúil ... Mo theagascóir dlúth go hiúl an tsléibhe, ... M’fhaoisdine gan aoinfhios do dh’aon neach, ... mo chomhairle thréitheach, ...’<sup>2838</sup> Tá Moore (1955: 57) agus Mac Cathmhaoil (2013: 16) ar aon tuairim go bhfuil an cur síos a dhéantar ar an sagart seo iontach pearsanta, i gcomórtas leis an gcur síos fuar moltach a dhéantar ar an marbhán i gcuid mhaith de na feartlaoithe eile a ceapadh in Oiriaila san aois sin. Chum Muiris mairgne eile den sórt sin an bhliain dár gcionn, 1740, ar bhean óg darbh ainm Róis Ní Dhoirnín, agus is dóigh, ar na tagairtí a dhéantar sa téacs féin do Mhuineachán agus do Chaisleán tSéain, go raibh cónaí uirthi áit i gcomharsanacht bhaile Mhuineacháin, ar an taobh eile den chontae. Mheabhródh dhá théacs a scríobh Muiris sa chéad lámhscríbhinn indátaithe eile dá chuid atá againn, ARÉ 23A45 (629), go raibh sé tar éis seal a chaitheamh i gCluain

---

*fuil Fiachaidh agus síol bhFiachaidh* ar chuid de mhuintir Bhroin. Féach an t-eolas a thugtar in Mac Airt (1944: 407 col. b). ‘Gearall’ .i. Gearalt Ó Broin a bhí ar a hathair.

<sup>2837</sup> ARÉ 23I30 (416). Tugtar an dáta sa réamhrá atá leis an Teagasc Críostaí, rud a d’ullmhaigh an scríobhaí féin, is dócha, agus atá i gcló i gCaib. 1.3, colafon 87.

<sup>2838</sup> Féach *ll.* 7-8, 14-15, in eagrán Mhic Cathmhaoil (2013: 161-2).

Tiobrad faoin am ar scríobh sé í sa bhliain 1745.<sup>2839</sup> Níl ach 80 leathanach sa lámhscríbhinn seo, ach is cnuasach thar a bheith spéisiúil í de bhúrdúin agus de dhánfhocail nach bhfuil fáil ar a mbunáite áit ar bith eile.<sup>2840</sup> Caithfidh sé gur chaith Muiris tamall maith á mbailiú ó sheanlámhscríbhinní agus á scríobh isteach in ARÉ 23A45 (629). Is féidir, ar ndóigh, gur chum sé ceann nó dhó de na hiarrachtaí beaga seo, agus bhain sé an-úsáid as an lámhscríbhinn arís nuair a bhí LB Eg. 127 á cur le chéile aige i mBaile Átha Cliath idir 1774 agus 1775. Is féidir sampla de pháosa amháin as ARÉ 23A45 (629) a thabhairt ina iomláine—rann a tugadh cheana in Mac Cathmhaoil (2013: 69 *n.6*)—toisc a ghiorra atá sé, agus go bhfuil an chuma air go bhféadfadh sé gurbh é Muiris féin a chum é, agus é ar lóistín áit éigin i dtuaisceart Cho. Mhuineacháin:

Sráideog thana Chluain Tiobraid,  
deannach ina lár 's as *beag* a brígh;  
ní lugha 'no hionad *air* chúl leice  
's do *bhear*[f]adh cuil ina heite í.<sup>2841</sup>

Is dóigh gur chuir Muiris an-spéis sa chineál seo litríochta, agus tá dánfhocail eile den sórt seo scaipte trí na lámhscríbhinní a scríobh sé go luath ina shaol, an iarracht luath sin, ARÉ 23D7 (393), ina measc. Ba nós do scríobhaithe áirithe iad a rith lena chéile agus dánta fada a dhéanamh astu, nó sraitheanna fada díobh a thabhairt ar aon leathanach amháin. Seo an rud a rinne scoláire Gaeilge amháin ó dheisceart Cho. Mhuineacháin, Eoin Ó Mearráin (*q.v.*), sa bhliain 1737, agus is léir go raibh Muiris mór leis thart faoin am sin, nó cheap sé dán molta ar Eoin, *Caogaid míle maighdean*

<sup>2839</sup> Tugtar tuilleadh eolais faoin dá pháosa seo faoi phointe (3) thíos.

<sup>2840</sup> Chuir O'Rahilly (1925) cuid mhaith búrdún i gcló ón lámhscríbhinn seo, ach is é an cuntas is fearr ar ARÉ 23A45 (629) an plé a rinne Standish Hayes O'Grady ar lámhscríbhinn ghaolmhar léi sa *B.M. Cat.* i, 601-22, .i. LB Eg. 161, ff. 1-64, ar bailiúchán measartha cuimsitheach sleachta as ARÉ 23A45 (629) í a scríobh Labhrás Ó hArann (*q.v.*) sa bhliain 1778. Ó tharla gur bunaíodh cuid mhaith de LB Eg. 127 ar ARÉ 23A45 (629), is fiú go mór amharc ar chuntas Flower sa *B.M. Cat.*, ii, 48-77.

<sup>2841</sup> ARÉ 23A45 (629), lch 20. Leanann an t-eagrán seo eagrán Mhic Cathmhaoil (2013: 69 *n.6*) ach amháin sa dóigh a léirítear noda.

óg,<sup>2842</sup> ina bhfuil macallaí de ‘Mac na Míchomhairle’, an téacs a luadh cheana, agus píosa suaircis eile a gcastar leis i lámhscríbhinní Oiriaila amháin, ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’<sup>2843</sup> (Mac Cathmhaoil 2013: 187-8). Tá an chóip is sine de ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’ atá againn i bpeannaireacht Mhuiris in ARÉ 23D7 (393). Is féidir gur mhair an cairdeas idir Muiris agus Eoin Ó Mearráin le fada, óir scoir Muiris den scéal rómánsaíochta ‘Tóraidheacht Shaidhbhe’ a chóipeáil ó ‘leabhar athardha’ le hEoin Ó Mearráin ar an 28 Lúnasa 1748.<sup>2844</sup> Bhí cónaí ar bhail éagsúla den chlann sin cúpla míle taobh amuigh den Charraig, i mbarúntacht Fhearnmhaighe. Sholáthair ‘John Merran, ffarrier’ oideas dúigh do Mhuiris fosta, agus bhí baint ag cuid de mhuintir Mhearráin, agus ag Muiris Ó Gormáin, le ARÉ 23A42 (367),<sup>2845</sup> cóip de ‘Parliament Chloinne Tomáis’ lenar chuir siad a gcuid ainmneacha.

I measc pháipéir Mhuiris Uí Ghormáin, tá cóipeanna de dhá theastas dár dáta 1759 a chóipeáil Muiris, díreach mar theimpléid, is dócha, agus is le beirt ó Cho. Mhuineacháin a bhaineann siad. An chéad cheann acu, is teastas é a tugadh an 17 Márta 1759 do ‘Catherine Murphy of Farnam’, á dheimhniú gur socraíodh ag na Seisiúin Ceathrún i Muineachán an 11 Eanáir 1759 go raibh sí le ligean as an airgead teallaigh a dhíol; cóip de nóta gealltanais ó James Henderson, Ardagh,<sup>2846</sup> i

---

<sup>2842</sup> Tá cóip den dán in Mac Cathmhaoil (2013: 114-17), agus tá tuilleadh eolais faoi Chlann Uí Mhearráin in Mac Cathmhaoil (2013: 18-19, 187-8), agus sa bheathaisnéis a scríobhadh ar Eoin Ó Mearráin i gCaib. 2.193 thíos.

<sup>2843</sup> In eagar in Williams (1969-70a). Na lámhscríbhinní atá tugtha aige, is le hOiriaila a bhaineann siad uilig.

<sup>2844</sup> LB Eg. 128, f. 62b. Tá cóip den cholafon sa *B.M. Cat.*, ii, 359, agus i gCaib. 1.2.2.3, colafon 49.

<sup>2845</sup> Is deimhin, beagnach, gurb ionann ‘John Merran’ agus ‘Eóghan Úa Meran’, an té a scríobh COBÁC M11 in 1737. Tá tuilleadh sonraí faoi agus faoina mhuintir sa bheathaisnéis ar Eoin Ó Mearráin i gCaib. 2.193 thíos.

<sup>2846</sup> Níl an log seo ar taifead sna liostaí bailte fearainn don bharúntacht seo. Glacaim leis gurbh é \*Ardach nó \*Ardachadh an leagan Gaeilge, ach níl dóigh agam ar a léiriú. Tá baile fearainn darb ainm Ardachadh i mbarúntacht Mhuineacháin, ach is cosúil go mór nach é an áit chéanna é agus áit chónaithe James Henderson.

mbarúntacht Fhearnmhaighe, Co. Mhuineacháin, chuig Francis McMahon ón Láithreach, Fearnmhaigh, Co. Mhuineacháin, atá sa dara ceann acu.<sup>2847</sup>

**(3) ‘He was patronised by at least three Monaghan priests, two of whom we know to have flourished in the first half of the 18<sup>th</sup> century’.**

Féadtar na dánta ar shagairt ó Cho. Mhuineacháin a chuir Séamus P. Ó Mórdha i gcló a thabhairt anseo, maille leis an uimhir thagartha a tugadh dóibh in eagrán Mhic Cathmhaoil (2013):

(2) *Ar chrú Cholla mo chuairt i gcéin*. Ar an Ath. Proinsias Mac

Mathghamhna, S.P. Dhomhnach Maighean, a fuair bás sa bhliain

1782.<sup>2848</sup> Cóipeanna—ARÉ 23D16 (506), lgh 157-8, 161; LB Eg.

139, f. 49. In eagar in Moore (1956: 133-5); Mac Cathmhaoil (2013: 86-9).

(3) ——— *na stéad is na n-eachlann óir*. Ar an Ath. Proinsias Mac

Mathghamhna fosta. Cóip—LN G447, lch 109. In eagar in Ó Mórdha (1957a: 22-3); Mac Cathmhaoil (2013: 90-3).

(4) *Is claoite tharla an tráth so déarach [? d’Earrach]*. Ar an Ath. Philip

Ó Gairtnéil, a cailleadh in 1739.<sup>2849</sup> Cóip—ARÉ 23D16 (506), lgh

123-6, 129-30, 133-4. In eagar in Moore (1955: 60-4); Mac

Cathmhaoil (2013: 94-105).

---

<sup>2847</sup> Tá na nótaí seo in LB Eg. 210, f. 65b (féach nóta 2753 thuas), agus LB Eg. 151, f. 82.

<sup>2848</sup> Scríobhadh a thiomna ar an 22 Meitheamh 1782, ach níor promhadh í go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1790. D’aimsigh Ó Gallachair (1982: 50-1, 58 *nn.*94, 99) tagairt a thaispeánann go bhfuair sé bás an 16 Iúil 1782. Is fiú smaoineamh air gur tháinig an tAth. Brian Ó Cathaláin i gcomharba air sa bhliain 1782. Tugtar eolas eile i dtaobh an tsagairt seo in Moore (1956: 133), Ó Mórdha (1957a: 21-2), agus in Mac Cathmhaoil (2013: 154); tugtar eolas faoin tiomna agus faoi mhuintir an tsagairt in Ó Gallachair (1982: 50-1), agus Ó Mórdha (1991: 30-1) ach go háirithe.

<sup>2849</sup> Sagart arbh as Domhnach Maighean dó agus dá mhuintir. Féach Moore (1955: 56-7), Ó Gallachair (1967: 380-1), agus Mac Cathmhaoil (2013: 161-2).



(6) *Ar an Athair is cliútaí cáil*. Ar an Ath. Séamus Ó Dubhthaigh, S.P.

Thigh Thalláin, *fl.*174<sup>3</sup>/<sub>4</sub>-5.<sup>2850</sup> Cóip—ARÉ 23M4 (332), lch 135. In eagar in Moore (1955: 57-8); Mac Cathmhaoil (2013: 110-11).

(7) *Ar an Athair Philip sclag tart*. Ar an Ath. Philip Mac Ardghail, S.P.

Chluain Tiobrad, *fl.*1731-174<sup>3</sup>/<sub>4</sub>.<sup>2851</sup> Cóip—ARÉ 23M4 (332), lch 136. In eagar ag Moore (1955: 58-9); Mac Cathmhaoil (2013: 112-13).

B'fhiú a thabhairt faoi deara ar dtús nár áitigh Séamus P. Ó Mórdha riamh gur chum Muiris dán (4), agus is ar an tuiscint nach raibh fáil orthu ach i lámhscríbhinní le Muiris é féin a leag sé an chuid eile acu air. Níl mé sásta, ámh, gur scríobh Muiris Ó Gormáin: (i) ARÉ 23M4 (332), lgh 135-6, an t-aon áit amháin a bhfuil cóipeanna de dhánta (6) agus (7); agus (ii) ARÉ 23D16 (506), lgh 157-8, 161, ceann den dá chóip de dhán (2) atá againn. Ba é an duine céanna a scríobh na cóipeanna sin uilig nach bhfuil i láimh Mhuiris. Tríd an bpeannaireacht sin a chur i gcomórtas le leabhair eile a ghraf Muiris, is soiléir nár scríobh sé na leathanaigh sin,<sup>2852</sup> agus fágann sé seo nach bhfuil bunús lena n-áireamh ar an liosta thuas, cé gur spéisiúil, cibé rud é, gur tharla siad i gcnuasach leabhar Mhuiris. Tá an chóip de dhán (2) atá in LB Eg. 139, agus na cóipeanna de dhánta (3)<sup>2853</sup> agus (4) atá againn, i bpeannaireacht gharbh, ach is féidir í a aithint le láimh Mhuiris trína cur i gcomórtas le dréachtaí eile dá chuid,

---

<sup>2850</sup> Féach na cuntais ar an Ath. Séamus Ó Dubhthaigh in Moore (1955: 54), Ó Gallachair (1960-1: 65), agus Mac Cathmhaoil (2013: 183).

<sup>2851</sup> Don sagart seo, an tAth. Philip Mac Ardghail, féach Moore (1955: 54), Ó Gallachair (1969: 99-100), Schlegel (1988), agus Mac Cathmhaoil (2013: 185).

<sup>2852</sup> Lámh dhea-chumtha chleachtaithe de chuid thús nó lár na 18ú hAoise a ghraf an duilleog seo, déarfainn, lámh nach dtig liom a aithint.

<sup>2853</sup> Nuair a chláraigh Nessa Ní Shéaghdha LN G447 sa bhliain 1987, mheas sí go raibh lgh 109, 111, ar ar scríobhadh dán (3), i láimh anaithnid eile, *N.L.I. Cat.*, x, 24. Cosúil leis na lámhscríbhinní eile inar breacadh na dánta seo uilig, is comhleabhar í LN G447 a chuimsíonn bloghanna éagsúla agus leathnaigh scaoilte ar bhreac Muiris Ó Gormáin an chuid is mó acu, cé go bhfuil corrlámh eile le sonrú ina measc. Tá mé suite de, áfach, gurbh é Muiris Ó Gormáin a scríobh lgh 109, 111.

agus, ós rud é gur chaith sé tréimhse i ndeisceart Cho. Mhuineacháin, is beag nach deimhin gur chum sé dánta (3) agus (4).<sup>2854</sup>

**(4) ‘The Louth-Armagh scribes are silent in regard to his native place’.**

Ní fíor sin amach is amach; thug Nioclás Ó Cearnaigh ‘a Munster blade’ ar Mhuiris, sa réamhrá a chuir sé leis an aoir a chum Peadar Ó Doirnín air i gcúpla lámhscríbhinn dá chuid, ach ní fios céard a thug air sin a scríobh, mar a fheicfear thíos.<sup>2855</sup> Is fíor do Ní Mhunghaile (2009a: 220) nach féidir linn brath ar Nioclás Ó Cearnaigh sa mhéid sin. Ba leor don té a chaithfeadh súil go sciobtha ar chuid leabhar Mhuiris, an t-ábhar atá iontu, fiú, gan trácht ar an gceangal a bhí aige le Co. Mhuineacháin, lena shásamh gurbh ón gceantar liteartha sin, Oiriaila, dó. De bhreis ar an méid sin, tá plé mion déanta ag McCaughey (1967-8) ar leabhar comhrá a réitigh Muiris Ó Gormáin am éigin roimh an mbliain 1770, agus taispeánann a chuid nótaí ar fhoirmeacha canúna an leabhair chomhrá sin gurbh as Oirthear Uladh don té a cheap é. Bhí duine de chomhghleacaithe Niocláis Uí Chearnaigh, Seán Ó Dálaigh, níos cúramaí i dtaobh na ceiste seo sa chuntas a scríobh sé ar Mhuiris ina shaothar *Poets and Poetry of Munster* (1849), sa dóigh nach luann sé áit dhúchais ar bith leis ann. Tugtar faoi deara go gcuireann Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme iad féin muid ar an eolas i nóta sa lámhscríbhinn chéanna go raibh traidisiún

---

<sup>2854</sup> Tugann trí dhán eile a chum Muiris le fios go raibh ceangal aige le Co. Mhuineacháin, de bhreis ar ar luadh cheana faoi phointe (3) thuas; tá siad in eagar in Mac Cathmhaoil (2013),

(5) *Monuar go bráth go dtarlaidh uainne*. Ar bhás Róis Ní Dhoirnín (*ob.*1740), iníon le hÉamonn Ó Doirnín ó thuaisceart Cho. Mhuineacháin. Cóip—LB Eg. 139, f. 48. In eagar ag Mac Cathmhaoil (2013: 106-9).

(8) *Caogaid míle maighdean óg*. Ar Eoin Ó Mearráin (*q.v.*). Cóip—ARÉ 23A45 (629), lch 53. In eagar ag Mac Cathmhaoil (2013: 114-17).

—. *Sráideog thána Chluain Tiobrad*. Cóip—ARÉ 23A45 (629), lch 20. In eagar ag Mac Cathmhaoil (2013: 69 n.6), agus tugadh cóip cheana faoi phointe (2) thuas.

<sup>2855</sup> ARÉ 23E12 (769), lch 360, ‘Maurice O’Gorman, a pedantic schoolmaster, a Munster blade, and a rival of O Dornin’s for the hand of Miss Peggy O Beirne of Tully, in the parish of Louth...’ Ba sa bhliain 1846 a scríobhadh seo.

coiteann ann sa 19ú hAois gurbh ó Cho. Mhuineacháin do Mhuiris, más fíor nó bréagach é:

During the time our bard paid his address to the celebrated ‘Róis Bheg Dhubh’, another teacher from Munster \or as most say from County Monaghan/ who taught in the Parish Chapel, paid her his addresses also: this man’s name was Maurice O Gorman, though Doctor Woods calls him Christy Montague; \but/ such was not his name, because my MS. written by O Dornin himself has the name Maurice O Gorman.<sup>2856</sup>

Ba é Nioclás Ó Cearnaigh a scríobh an chuid is mó den nóta sin, ach an méid atá idir na comharthaí \ / thuas. Ceartúcháin a scríobhadh isteach os cionn na líne atá iontu, agus is i bpeannaireacht Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme atá na ceartúcháin sin; dhealródh sé go raibh sé amuigh ar Mhuiris i gcomharsanacht Dhún Dealgan sa 19ú hAois gurbh as Co. Mhuineacháin dó.

Is mar gheall ar an aoir seo,<sup>2857</sup> a dhíríonn ar an gcumas fulangach a bhí ag Muiris sa Bhéarla, agus an t-éirí gradaim a thug sin dó, mar a shíl sé, a deirtear go coitianta anois nach raibh ach beagán Béarla ag Muiris—sin agus a ndúirt Cathal Ó Conchubhair agus an Chevalier O’Gorman faoina chuid Béarla i litreacha a scríobh siad sa bhliain 1781, nuair a bhí Muiris ag aistriú codanna de *Annála na gCeithre Máistrí*. Pléifear an obair a rinne Muiris ar na hannála don bheirt seo ar ball. Deirtear, de ghnáth, gur scríobh Peadar Ó Doirnín an aoir seo am éigin sna 1730í nó sna

---

<sup>2856</sup> COBÁC M17, lch 355; tá cóip den téacs in Coimín (1895a: 121 col. b). Tugtar an dán, agus aistriúchán Béarla in COBÁC M17, lgh 234-41, agus cúpla nóta air in COBÁC M17, lgh 355-6.

<sup>2857</sup> An dán ar a dtugtar ‘Suirí Mhuiris Uí Ghormáin’ anois, *Ar maidin Dia Máirt is mé ag dul go Droichead Átha*. Rinneadh plé ar an dán seo cheana sa chuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149 thuas, agus is leor nóta nó dhó a thabhairt anseo.

Ní gá a áiteamh gur ceann de na dánta bréige é seo a leagadh ar Pheadar Ó Doirnín. Bíodh is go síolraíonn an chuid is mó de na cóipeanna a tháinig anuas chugainn ó dhréachtaí éagsúla le Nioclás Ó Cearnaigh agus le Matha Mórdha Ó Graeme, tá cóipeanna againn ó scoláirí eile de chuid na glúine deireanaí—Aodh Mhac Domhnaill [2], Art Mhac Bionaid, agus Peadar Ó Gealacháin. Tá cóip amháin againn ón 18ú hAois, LB Add. 18749, f. 94, a scríobh Donnchadh Mag Oireachtaigh sa bhliain 1792. Gheofar eagráin den dán in de Rís (1969: 28-9), agus in Ó Buachalla (1969: 51-2), srl., agus liosta cóipeanna in de Rís (1969: 145-6, 150), agus in Ó Buachalla (1969: 79).

1740í,<sup>2858</sup> agus is dócha gur de bharr gur bhain Peadar Ó Doirnín le Co. Lú a shíl Standish H. O’Grady, *B.M. Cat.*, i, 498, gur ‘native of Louth and country schoolmaster’ é Muiris sular imigh sé leis chuig an mbaile mór. De dhéanta na fírinne, bhí Muiris ar a shuaimhneas le scríobh an Bhéarla, mar is soiléir ó na nótaí a thugann sé ina chuid lámhscríbhinní, cé go raibh nós aisteach aige an rud céanna a rá ar dhá dhóigh go minic: ‘The horse was called or named Punch’; ‘This is y<sup>e</sup> last of y<sup>e</sup> book now or the end’.<sup>2859</sup>

**(5) ‘North-East Cavan had little or no links with the Louth-Armagh area but would be within easier reach of a Monaghan man’.**

Agus is leor sin faoi bhlianta a óige. Tá claonadh thar a bheith láidir i dtreo litríocht Oirthear Uladh agus Thuaisceart Laighean le brath ar na lámhscríbhinní luatha seo a scríobh Muiris Ó Gormáin. Is beag spéis a chuir sé sna filí Muimhneacha a bhí ag teacht suas lena linn féin, nuair a bhí sé socraithe i mBaile Átha Cliath, fiú, áit a raibh mórán de litríocht agus de scoláirí an Deiscirt le fáil i dtreo dheireadh na 18ú hAoise. De réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh, níor bhac sé lena ainm ná le dáta a chur lena chuid scríbhinní, mar a dúradh cheana, agus fágann sin nach féidir tuairim a fháil ar an gcineál oibre a bhí ar siúl aige ó bhliain go bliain sa tréimhse seo, ná an obair chéanna a thomhas nó a phlé ar bhonn cróineolaíoch ach chomh beag. Diomaite de, mar shampla, go bhfuil saothair ó lámh Mhuiris againn lenar cuireadh dátaí sna blianta 1752 agus 1753, níl dáta scríofa foirmeálta le saothar ar bith dá chuid as sin amach go dtí an bhliain 1761, nuair a shínigh sé cúpla lámhscríbhinn faoin dáta sin.

---

<sup>2858</sup> Féach nóta 2454.

<sup>2859</sup> MN LM3, lch 2; LB Eg. 139, f. 13.

Bhí aithne curtha aige ar roinnt de scoláirí móra na Gaeilge i gcathair Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 1752. Scríobh sé leabhar don Dr Seán Ó Fearghusa idir an 21 Feabhra 1752 agus an 17 Iúil 1752, agus cé go raibh an Dr Ó Fearghusa lonnaithe i mBaile Átha Cliath ag an am, ní féidir a bheith deimhnitheach de go raibh Muiris sa chathair agus é á scríobh.<sup>2860</sup> Cheannaigh údaráis Choláiste na Tríonóide dhá lámhscríbhinn ar scríobh Muiris cuid de cheann acu agus an ceann eile ó thús go deireadh, CT H.3.12 (1331) agus CT H.4.5 (1347) faoi seach, ó chnuasach an Dra Uí Fhearghusa ag an gceant leabhar a reáchtáladh sa bhliain 1766 (O’Sullivan 1976: 232 *n.*18, 236, 248; Ní Mhungaile 2009*a*: 221). Tá siad gan síniú gan dáta, cosúil le breis agus dhá dtrian de na leabhair agus dréachtaí atá againn ó láimh Mhuiris.

Dealraíonn sé gur éirigh lámh Mhuiris i bhfad níos cearnaí agus néata idir na blianta 1749 agus 1752.<sup>2861</sup> Ní thugann scríbhinn na bliana 1753 pioc eolais dúinn faoin áit a raibh sé agus é á grafadh, áfach, agus cuireann an chéad cháipéis eile a gcasann muid léi, cóip de ghinealaigh agus de rainn a scríobh Fiachra Mhac Bhrádaigh—rud a sheol sé chuig Muiris i mí Mheán Fómhair 1755—i dtreo eile muid arís. Gabhann an treoir bheag a leanas leis na duilleoga seo,

M<sup>r</sup> Gorman will be pleased to write this ouer again, with Good Ink and plaine writing and I will always be his humble Seruant,

7ber. M.DCC.L5. Do dhuine féin,

Fiachra Mac Bhradaigh.<sup>2862</sup>

Tugann sé seo le fios dúinn, b’fhéidir, go raibh baint éigin aige le Co. an Chabháin ag an am sin, ach is dóigh nach raibh Muiris ann an uair sin, ó tharla gur chuir

---

<sup>2860</sup> LN G333. Féach an nóta ar lech [2]: ‘... arna thionsgnamh do Shean Ó Fheargusa, doctur leighis i mBaile Áth Clíath Feb: 21. 1752, agus iarna sgríobhadh re Muiris Mhac Gorman’.

<sup>2861</sup> Seo an ‘uncouth hand’ dár thagair Standish Hayes O’Grady, *B.M. Cat.*, i, 498.

<sup>2862</sup> LB Eg. 135, f. 3.

Fiachra Mhac Bhrádaigh treoracha scríofa leis an lámhscríbhinn, ionann is go raibh sí á seoladh chuige trí theachtair nó trí dhuine eile. Ní féidir a chruthú gur chaith Muiris tréimhse fhada i gCo. an Chabháin thart ar an am seo, ná am ar bith eile.<sup>2863</sup>

Níl pioc eolais ar fáil faoi do na trí bliana ina dhiaidh sin, 1756-1758, agus is é an chéad rud indátaithe eile atá againn ó láimh Mhuiris na cóipeanna de na cáipéisí oifigiúla úd ó Cho. Mhuineacháin a bhaineann leis an mbliain 1759. Bhí sé ‘anos’ i mBaile Átha Cliath ar an 25 Márta 1761,<sup>2864</sup> an lá ar chríochnaigh sé cóip de ‘Materia Medica’ Thaidhg Uí Chuinn ó lámhscríbhinn mheamraim. Is féidir gurbh é an aithne a chuir sé ar scoláirí Bhaile Átha Cliath an rud a chuir fonn éigin ar Mhuiris—a scríobhadh agus a deireadh, gan amhras, a ainm mar ‘Muiris Mac Gorman’ go dtí sin—an fhoirm ‘Muiris Ó Gorma(i)n’ a ghlacadh chuige.<sup>2865</sup> Is í an chéad tagairt chruinn eile atá ar fáil dó an conradh múinteoireachta a shínigh sé ar an 1 Bealtaine 1761, ina ngeallann sé beirt mhac léinn ó Cho. an Chabháin a theagasc go dtí an 30 Aibreán 1762.<sup>2866</sup> Is minic a deirtear, de bharr an chonartha bliana úd, gur chaith Muiris seal sa chontae sin,<sup>2867</sup> ach tá sé le tuiscint as tagairtí eile atá

<sup>2863</sup> Féach nóta 2867 thíos. Bhí Muiris i mBaile Átha Cliath, glacaim leis, nuair a scríobh sé catalóg dá chuid lámhscríbhinní ar an 22 Nollaig 1761. Féach an cuntas a thugtar ar na catalóga seo i nóta 2868.

<sup>2864</sup> LN G19. Féach an colafon ar lch 238 den lámhscríbhinn seo, a bhfuil cóip iomlán de san *N.L.I. Cat.*, ii, 12. Is dóigh liom nach dtig linn a tuiscint as an nóta seo, ina ndeir sé go bhfuil sé i mBaile Átha Cliath anois, go raibh sé tar éis filleadh ar an mbaile go gairid roimhe sin, óir tá nóta eile den sórt sin aige in LB Eg. 127, f. 39b, a scríobh sé idir 1774 agus 1775, agus ní féidir a chruthú go raibh sé as baile thart faoin am sin.

<sup>2865</sup> Thuairimigh Lesa Ní Mhunghaile gur de bharr an Chevalier Thomas O’Gorman a ghlac Muiris an leagan seo chuige; creideann Nioclás Mac Cathmhaoil gur sampla eile seo den mhalmartú idir Ó agus *M(h)ac* roimh shloinne dar tús *c* agus *g* a fheictear i lámhscríbhinn an Tuaiscirt. Ní féidir a dhearbhu go raibh aithne aige ar an Chevalier Thomas O’Gorman chomh luath leis an mbliain 1761, nuair a d’úsáid sé an litriú *Ó Gormáin* den chéad uair, go bhfios dom, ach ní hionann sin agus a rá nach raibh aithne aige ar Mhuimhnigh eile a d’úsáideadh an leagan *Ó Gormáin*. Tharla go n-athraíonn sé a chuid peannaireachta agus litriú a ainm thart faoin am céanna, chreid roinnt cláráitheoirí lámhscríbhinní gur bheirt ar leith iad *Muiris Mac Gormáin* agus *Muiris Ó Gormáin*, ach lean Ní Shéaghdha agus gach scríbhneoir nua-aimseartha a ndúirt O’Grady, *B.M. Cat.*, i, 498, agus Flower, is é sin, gur dhuine amháin iad. Is deimhin gur fíor sin, mar gheall ar na tagairtí a dhéanann Muiris dó féin sa chatalóg a scríobh sé sa bhliain 1761—féach nóta 2868; agus úsáideann sé an dá leagan dá shloinne sna colafoin in LB Eg. 127. Scriobhadh an colafon a luann an fhoirm ‘Muiris Mac Gorman’ in LB Eg. 127 sa bhliain 1775.

<sup>2866</sup> LB Eg. 151, f. 82.

<sup>2867</sup> Ní Mhunghaile (2009a: 221); Mac Cathmhaoil (2013: 17). Bhí Flower, *B.M. Cat.*, ii, 48, giota beag níos faití faoin gconradh, áfach; féach go scríobhann sé: ‘In Eg. 151, f. 82, John Reilly of

againn dó a bheith ag obair san ardchathair an bhliain sin gur ligeadh as an gconradh é, nó go raibh an bheirt scoláirí ar lóistín i mBaile Átha Cliath ag an am: cheannaigh Muiris lámhscríbhinn ó Sheán Ó hÉidéin ar an 20 Nollaig 1761, ceann eile ó ‘Mr. Henesy’ an 21 Nollaig 1761, agus thosaigh sé a chlárú a chuid lámhscríbhinní an lá dár gcionn.<sup>2868</sup> Ba dhóigh le Smith (2017: 338), ar fhaisnéis na catalóige, go ndíoladh Muiris faoi choim lámhscríbhinní a d’fhaigheadh sé ar iasacht ó bhailitheoirí eile, díreach le hairgead a fháil, ach ní dóigh liom é. Sa chéad áit, tagann an chuid is mó den eolas atá againn i dtaobh chnuasach lámhscríbhinní Mhuiris, agus na daoine a bhfuair sé leabhair uathu, ó na catalóga a scríobh Muiris é féin sna blianta 1761, 1772 agus 1776. Is sa chéad liosta a thráchtar ar lámhscríbhinní a fuair sé ó leithéidí ‘Mr Henesy’, ‘Bryan O’Donnel’, ‘Mr Billy Quin who is now in America’, ‘Mr Norton’, ‘Mr Morris, Weaver’, ‘James Muldoon shoemaker’, ‘Mr Flinn in Castle Street’, ‘Bartle Cavanagh’, ‘Mr Tipper’, ‘Mr John Heyden’, agus tráchtar ar chuid eile acu sna liostaí déanacha: ‘Dick Plunkett’, ‘Andrew Corral, deceased’, srl.<sup>2869</sup> Ní dóigh liom go bhfágfadh Muiris cuntas

---

Annagh [co. Cavan] and George Dawson of Kilmore [co. Armagh] engage to pay him £1 1s. 8d. for teaching their sons “writing, arithmetick and the English tongue” from 1 May 1761 to 30 Apr. 1762. The place of the school is not stated’. Ceartaíodh ‘Armagh’ go ‘Cavan’, *B.M. Cat.*, ii, xxvii; féach an *B.M. Cat.*, ii, 253.

<sup>2868</sup> Tá trí chatalóg againn a scríobh Muiris Ó Gormáin dá chuid lámhscríbhinní agus leabhar. Chuir Ní Mhunchaile (2008; 2010) cló ar chuid de na catalóga, agus tá iarracht déanta aici cuid de na lámhscríbhinní a aithint.

(1) ARÉ 23H23 (a) (631), lch 1: ‘An Account or a Catalogue of Books Belonging to Maurice Gorman’, liosta lámhscríbhinní Gaeilge a tógadh an 22 Nollaig 1761. 81 mhír. Tá an liosta seo i gcló in Ní Mhunchaile (2010: 269-73). An dá lámhscríbhinn sin a luadh thuas gur cheannaigh Muiris iad ó ‘Mr. John Heyden’ agus ó ‘Mr. Henesy’ an 20 Nollaig 1761 agus an 21 Nollaig 1761, tugtar an t-eolas seo faoi mhíreanna 78, 79 sa chatalóg seo.

(2) LN G664, lch 1: ‘1772. October 3d. Taken a catalogue of books now in my room at Mrs Ross’s house Fleet Lane College Street Dublin’, *N.L.I. Cat.*, xii, 70. Luaitear 59 mír, 6 cinn acu ina leabhair chlóite.

(3) LN G664, lch 17: ‘May 17th 1776. Irish prints and manuscripts’; agus tá an teideal ar lch 15: ‘I have taken an inventory or catalogue again. This 17th day of May at Mr. William Mecans in Pill Lane Dublin 1776’, *N.L.I. Cat.*, xii, 70. 55 mhír, 14 leabhar chlóite.

(4) LN G664, lch 28: ‘Pill Lane June 1st 1776. English books’, *N.L.I. Cat.*, xii, 70. 38 mír. Tá an liosta seo in Ní Mhunchaile (2010: 274-6).

<sup>2869</sup> Baineadh na tagairtí thuas as an gcóip ghiorraithe de chatalóg na bliana 1761, ARÉ 23H23 (a) (631), a chuir Ní Mhunchaile (2010: 269-73) i gcló. Féach na tagairtí faoi na míreanna seo: mír 10, ‘got from Mr H—y’; mír 11, ‘got from Bryan O’Donnel’; mír 18, ‘The Bible and Testament in print ...

cúramach den chineál seo againn, rud a dhamnódh gadaí leabhar dá dtiocfaí air, murab é go raibh sé tar éis na leabhair seo a cheannach nó a fháil mar bhronntanais ó na húinéirí. Ní féidir liom an chuid is mó de na daoine ar an liosta thuas a aithint, ach amháin ‘Mr Norton’, ‘Mr Tipper’, agus ‘Mr John Heyden’, triúr de na scoláirí a bhí gníomhach i mBaile Átha Cliath sa chéad leath den 18ú hAois—Tadhg Ó Neachtain, a bhí ina bheatha go fóill sa bhliain 1752; Risteard Tuibear (*fl.*1705-47); agus Seán Ó hÉidéin (*fl.*1732-61).<sup>2870</sup> Is doiligh smaoineamh, le bheith fírinneach, ar scoláire Gaeilge ar bith a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath idir 1750 agus 1790 nach raibh baint éigin ag Muiris leis, mar a fheicfear ar ball beag. Scaipeadh cuid dá lámhscríbhinní i gCo. na Mí fosta: bhí lámhscríbhinn a ghráf Muiris thart ar an 2 Márta 1762 á húsáid ag Peadar Dubh Ó Dálaigh [? sa bhliain 1826],<sup>2871</sup> agus bhí cóip de ‘Mac na Míchomhairle’ a scríobh Muiris in 1761 roimh Pheadar Ó Gealacháin thart ar an mbliain 1841.<sup>2872</sup>

Bliain thábhachtach i saol Mhuiris ab ea í 1761 ar dhóigheanna eile, óir dealraíonn sé gur stad Aodh Ó Dálaigh de chóipeáil lámhscríbhinní don Dr Francis Stoughton Sullivan thart ar an am sin,<sup>2873</sup> agus ba é Muiris é féin an chéad phátrún eile a d’fhostaigh an Dr Sullivan, go bhfios dúinn. Is é an t-ábhar a bhaineann O’Sullivan (1976: 231-2) as an mbeagán eolais atá againn gurbh é an chéad tasc a cuireadh

---

which cost ... a guinea’; mír 20, ‘bought of Mr Billy Quin who is now in America’; mír 22, ‘got ... from Mr Norton’; mír 26, ‘borrowed from Mr Morris, Weaver’; mír 27, ‘bought of James Muldoon shoemaker’; mír 31, ‘bought of Mr Flinn in Castle Street’; mír 32, ‘bought for half a Guinea’; mír 33, ‘bought for 10s:10’; mír 38, ‘bought in Mary’s lane’; mír 48, ‘got from Bartle Cavanagh’; mír 50, ‘cost me 9s:9d’; mír 73, ‘bought of Mr Tipper’; mír 78, ‘bought of Mr John Heyden December 20th 1761’; mír 79, ‘bought of Mr Henesy December 21 1761’.

Tugtar tagairtí eile don liosta lámhscríbhinní Gaeilge dar dáta 1772 (atá in LN G664) in Sharpe (2013: 116), áit a ndéantar tagairt do Bholg an tSoláir a fuair Muiris ar iasacht ó ‘Dick Plunkett’, agus do lámhscríbhinn eile a fuair sé ó ‘Andrew Corral deced’ [= Andrew Carroll].

<sup>2870</sup> Rinneadh plé gairid orthu i gCaib. 1.4.6.1, agus tá cuntas ar Risteard Tuibear i gCaib. 2.231.

<sup>2871</sup> Chóipeáil Peadar Dubh Ó Dálaigh ‘Tuireamh Eoghain Ruaidh Uí Néill’ le Cathal Mag Ruaidhrí as lámhscríbhinn Mhuiris, atá cailte anois, is baolach; féach an tagairt a dhéanann sé di in LB Eg. 208, f. 87b. Tá cóipeanna dá nóta i gCaib. 1.2.2.3, colafon 48, nó sa *B.M. Cat.*, ii, 136. Tugadh an t-eolas seo cheana, i nóta 2373 thuas.

<sup>2872</sup> DE Gen. 43D, lch 211.

<sup>2873</sup> Féach nóta 60 thuas.



roimh Mhuiris cóipeanna úra a dhéanamh de *Annála Chonnacht* ón mbunchóip mheamraim, ARÉ C.iii.1 (1291), agus de *Annála na gCeithre Máistrí* suas go dtí an bhliain 1172. Ba as ARÉ C.iii.3 (1220), ceann d'autograif na gCeithre Máistrí, a scríobh Muiris Ó Gormáin na hannála sin don Dr Sullivan, agus ba le Cathal Ó Conchubhair an eiseamláir, mar aon le bunchóip *Annála Chonnacht*, ARÉ C.iii.1 (1291), an uair sin. Bhí an Dr Sullivan tar éis a rá le Cathal Ó Conchubhair go raibh sé ar intinn aige eagrán de *Annála na gCeithre Máistrí* a réiteach faoin am ar scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig an Dr John Curry an 15 Meán Fómhair 1763.<sup>2874</sup> Má ba dhóigh le Cathal Ó Conchubhair, tuairim is coicís ina dhiaidh sin gur bheag toradh a bheadh ar an obair, thoiligh sé ábhair bhunaidh a chur ar fáil don Dr Sullivan; agus ceanglaíonn O'Sullivan (1976: 231 n.15) ARÉ C.iii.1 (1219) agus ARÉ C.iii.3 (1220) leis na 'old manuscripts' dár thagair Cathal Ó Conchubhair i litir a scríobh sé chuig an Dr Curry ar an 1 Samhain 1763,

I have sent some old manuscripts lately to Dr. Sullivan and I think he will like them; but neither he nor I will be able to ... preserve those works from the universal destruction to which Irish literature is doomed.<sup>2875</sup>

---

<sup>2874</sup> Tá cuid den litir a scríobhadh an 15 Meán Fómhair 1763 doléite, dar le Ward, Wrynn & Coogan Ward (1988: 157-8), ach d'éirigh leo an méid seo, agus eile, a dhéanamh amach agus a léamh, [Top of letter corrupt. O'Conor is talking about publication as he mentions George Faulkner and the manuscript of the *Annals of The Four Masters*. He hoped to have its publication cost underwritten by the Dublin Society.] I was aware of the difficulty that stood in the way and have given him [Dr. Sullivan] my opinion that unless the Dublin Society favored the undertaking ..., nothing could be done. I received a polite answer from him; and he very readily not only adopted my plan, but assured me that he had the matter in contemplation a long time. ... I am thinking on good grounds that the Dublin Society will not meddle with the matter, though certainly such a publication would do honor to the patrons of literature in Ireland if any such we have. Though publication of it will cost but little, I expect nothing from the success of it...

Scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig an Dr John Curry ar an 30 Meán Fómhair 1763, 'It is, upon recollection, a chimerical idea...' (Ward, Wrynn & Coogan Ward 1988: 159).

<sup>2875</sup> Tá an sliocht sin i gcló in O'Sullivan (1976: 231 n.15), agus an litir ina hiomláine in Ward, Wrynn & Coogan Ward (1988: 161-2). Is iad na huimhreacha preasa a thugann O'Sullivan (1976: 231 n.15) go fíor '... RIA MSS 1291 (the Annals of Connacht) ... and 1230 (AFM. A.M. 2242-A.D. 1172) ...' ach caithfidh sé gur dearmadtaí iad na huimhreacha sin 1291 agus 1230, sa dóigh gur chóir 1219 agus 1220 a léamh ina n-áit. Ar an ábhar gur scríobh Cathal Ó Conchubhair litir chuig an Dr John Curry ar an 10 Deireadh Fómhair 1763 (féach Ward, Wrynn & Coogan Ward (1988: 160-1)), agus gur scríobhadh an litir dár tagraíodh cheana ar an 1 Samhain 1763, is dóigh gur cuireadh an dá lámhscríbhinn sin chuig an Dr Francis Stoughton Sullivan idir an dá dháta sin.

Ba thart faoin am seo a sheol Muiris cóip d’amhrán a cheap sé ar Hugh Percy, Leasrí na hÉireann, chuige, ar mhaithe le cúpla pingin a thuilleamh, nó le cur lena stádas mar ollamh le Gaeilge (Mahony 1987: 34-5), is dócha. Thugadh Muiris aire mhaith don ‘ghréasánú’ a bhaineann leis an gcineál sin oibre a bhí ar siúl aige; níor dhearmad do Ní Shéaghdha (1989: 50) gan amhras, an uair a scríobh sí faoi ghníomhaíochtaí Mhuiris sna blianta sin: ‘... he set out on a course of self-promotion’.<sup>2876</sup> Nuair a ceapadh an tAth. Pádraig Mac Síomóin (c.1695-1769) ina Ard-Easpag ar Dheoise Átha Cliath ar an 29 Meán Fómhair 1763, thriail Muiris go gairid ina dhiaidh sin dán molta a scríobh air,<sup>2877</sup> áit a molann sé a chumas sa ‘chruaidh-Ghaeilge’. Is spéisiúil an rud é go raibh an tArd-Easpag lonnaithe i bparóiste San Michin roimhe sin, mar a raibh Muiris ina chléireach (Warburton, Whitelaw & Walsh 1818: 934n.).

---

Is í ARÉ C.iii.1 (1219) bunchóip *Annála Chonnacht*; agus is í ARÉ C.iii.3 (1220) lámhscríbhinn C de chuid *Annála na gCeithre Máistrí* sa liosta lámhscríbhinní a tugadh in alt Uí Mhuraíle (1987). Chóipeáil (1) Muiris Ó Gormáin CT H.1.3-5 (1279) aisti don Dr Francis Stoughton Sullivan; (2) bhain Aodh Ó Maoil Mhuaidh ábhar CT H.2.9-10 (1300) aisti idir na blianta 1734 agus 1735 don Dr Seán Ó Fearghusa; agus is sliocht eile de chuid an leabhair sin (3) an chóip de *Annála na gCeithre Máistrí* a scríobh ——— Brennan don Chevalier O’Gorman sa bhliain 1781, agus, b’fhéidir, (4) LN G157, an chóip a scríobh Martan Ó hAodha sa bhliain 1782. Féach Ó Muraíle (1987: 83 n.36).

<sup>2876</sup> Féach briathra Mahony (1987: 34-5) ar an ábhar céanna,

He was ... employed by a Fellow of Trinity College, Francis Stoughton Sullivan, to copy manuscripts of the *Annals of the Four Masters* and the *Annals of Connaught*, ... which were supplied to Sullivan by Charles O’Conor. O’Conor noted sending these materials to Sullivan in a letter to Dr. J. Curry dated 1 November 1763. The proximity of this date to the more general ‘Nov.<sup>m</sup> 1763’ given for the receipt of Ó Gormáin’s poem to Northumberland may signify a connection between Ó Gormáin’s forthcoming employment as scribe to Sullivan and the Northumberland tribute: possibly the latter was an exercise in self-promotion among higher circles than Ó Gormáin had previously attempted. ... Settled in Dublin by 1763 ..., Ó Gormáin may have thought it no harm to advertise himself with poems to the new archbishop and even the Lord Lieutenant, and if so, he was certainly right.

Is é an tArd-Easpag Pádraig Mac Síomóin (c.1695-1769) atá i gceist aige. Féach nóta 2877.

<sup>2877</sup> Chuir Mac Cathmhaoil (2013: 126-33) an dán ar an Ard-Easpag Pádraig Mac Síomóin (c.1695-1769) i gcló, *A Áth Cliath is aoibhinn duit*, ina molann Muiris an tuiscint ghlan a bhí aige ar an nGaeilge, ar an nGréigis, an Laidin, agus an Eabhrais. Tá beathaisnéis ar an Ard-Easpag sa leabhar céanna (Mac Cathmhaoil 2013: 203), ina dtugtar píosa faisnéise go raibh Gaeilge aige. Ceapadh an tAth. Pádraig Mac Síomóin ina Ard-Easpag sa bhliain 1763 (ní 1765), agus d’fhan sé sa phost sin go lá a bháis. Tháinig an tArd-Easpag Seán Mac an tSaoir (q.v.) ina chomharba air.

Bhí cónaí ar Mhuiris ag Comhartha an *Mashing Keeve* i Lána Mhuire, Baile Átha Cliath, i mí na Samhna 1763,<sup>2878</sup> an uair a thosaigh sé a obair ar *Annála na gCeithre Máistrí* agus *Annála Chonnacht* don Dr Francis Stoughton Sullivan. Níl dáta leis an gcóip trí imleabhar de *Annála na gCeithre Máistrí*, CT H.1.3-5 (1279), a scríobh Muiris, ach grafadh *Annála Chonnacht*, CT H.1.1-2 (1278), sa bhliain 1764. Tá sé le tuiscint ó chuntas William O’Sullivan ar na leabhair seo gur dhóigh leis nár thosaigh Muiris a obair don Dr Francis Stoughton Sullivan go dtí ‘the last two years of his life’ (O’Sullivan 1976: 232), ach ní gá sin. Cnuasaigh shubstaintiúla atá sna leabhair eile a scríobh Muiris dó, agus níorbh é an Dr Francis Stoughton Sullivan an t-aon phátrún amháin a bhí ag Muiris le linn na mblianta sin; bhí KBC NKS173 á cóipeáil aige do Phádraig Ó Con Cheadainn faoin 10 Nollaig 1764, i mBaile Átha Cliath, is dócha. Is doiligh, de dhéanta na fírinne, tuiscint ar bith a fháil ar na blianta a raibh Muiris ag saothrú don Dr Sullivan agus don Dr Ó Fearghusa, ach is soiléir go raibh sé fostaithe acu ar feadh roinnt blianta, óir is eol dúinn gur scríobh sé—ag cur na lámhscríbhinní a ndearnadh tagairt dóibh cheana san áireamh—cúig chnuasach mhóra (trí lámhscríbhinn déag fhada san iomlán) don Dr Sullivan;<sup>2879</sup> agus ghraf sé trí cinn,<sup>2880</sup> ar a laghad, don Dr Ó Fearghusa, a cailleadh tuairim na bliana 1761, síltear.<sup>2881</sup>

Cuireadh cuid leabhar an Dra Uí Fhearghusa, agus leabhair a mhic, ar ceant ar an 3 Feabhra 1766, agus cheannaigh Muiris é féin cúpla rud ag an díolachán sin

<sup>2878</sup> An seoladh a luann sé i dteideal an dáin a chuir sé chuig Hugh Percy, sa leagan de atá in NE P36. Féach Mahony (1987: 26).

<sup>2879</sup> CT H.1.1-2 (1278), 2 iml. a cóipeáladh in 1764; CT H.1.3-5 (1279), 3 iml.; CT H.2.1-3 (1294), 3 iml.; CT H.4.1-3 (1345), 3 iml.; agus CT H.4.6-7 (1348), 2 iml. Is deimhin gur chaith Muiris cúpla bliain orthu seo. Féach O’Sullivan (1976: 231-2), áit a bhfuil tuilleadh eolais fúthu, áit a bhfuarthas an liosta seo.

<sup>2880</sup> CT H.3.12 (1331), ar scríobh Aodh Ó Maoil Mhuaidh codanna di fosta; CT H.4.5 (1347); agus LN G333, a luadh cheana, an t-aon lámhscríbhinn den triúr a bhfuil dáta léi—1752. Féach O’Sullivan (1976: 236), agus thuas faoin mbliain 1752.

<sup>2881</sup> Tá, mar a deir Ó Casaide (1933b: 112), na blianta 1761, 1763 agus 1766 luaite mar dháta a bháis, agus tugann Ó Muraíle (1987: 94 n.86) 1760 nó 1761 ar an ábhar go bhfaca an tAth. Charles O’Conor, leabharlannaí Stowe, litir ina ndúradh go raibh an Dr Seán Ó Fearghusa i luí othrais—ní hea, ach ar leaba a bháis—ar an 3 Deireadh Fómhair 1760, litir a chonaic sé san Acadamh Ríoga. Ní bhfuarthas an litir sin go fóill.

(O’Sullivan 1976: 236). Níorbh fhada nó gur chaill Muiris an dara pátrún ba mhó a bhí aige sna blianta sin.

D’éag an Dr Francis Stoughton Sullivan go tobann, más fíor, ar an 1 Márta 1766 (O’Sullivan 1976: 237), is é thart ar 50 bliain d’aois; an chéad uair eile atá trácht ar Mhuiris sna lámhscríbhinní, is ag cur bail ar chóip de *Focloir no Sanasan Nua Uí Chléirigh* do phátrún eile, Cathal Ó Conchubhair,<sup>2882</sup> atá sé, ar an 8 Aibreán 1766. Bhí cuid mhaith de lámhscríbhinn eile, CT H.4.18 (1359), scríofa aige faoin 9 Bealtaine 1766. Ní deirtear cé dó ar scríobhadh í, ach tagann a ainm aníos i gcuntais an choláiste don ráithe dar chríoch mí an Mheithimh 1766, nuair a díoladh £1.7.6 leis as lámhscríbhinn, ní a cheanglaíonn O’Sullivan (1976: 236) leis an lámhscríbhinn úd, CT H.4.18 (1359), a bhí á scríobh aige thart faoin am sin. Fógraíodh ar *Faulkner’s Dublin Journal* ar an 24 Meitheamh 1766, agus ag tús na chéad mhíosa eile (Ó Casaide 1933c: 138; Ní Mhungaile 2009a: 221-2), go raibh Muiris sásta a chuid seirbhísí a chur ar fáil ‘for the Instruction of Youth and Others’, dóibh siúd a raibh spéis san ársaíocht acu, ach go mórmhór. Is fiú an fógra a thabhairt ina iomláine,

WHEREAS the IRISH, the ancient Language of this Nation, hath been long neglected; an Evil justly complained of, as it renders Gentlemen unable to have Recourse to the many valuable Chronic[1]es and Compositions still preserved among us, relative to the ancient State of this Kingdom, its Arts, Sciences and Literature. Therefore, MAURICE GORMAN, Professor of that Language, offers his Service to the Public, and proposes to lay himself out in his own Appartment, (at the Sign of the Mashing Keeve in St. Mary’s Lane, Dublin,) every Morning from Ten to Two, for the Instruction of Youth and Others, as wish for their own Cultivation, to open Treasures so long locked up. Such Persons who cannot conveniently go to him, shall be attended at

---

<sup>2882</sup> COC M20 (20). Féach nóta 2779.

Ba dhóigh le Flower breis agus nócha bliain ó shin, *B.M. Cat.*, ii, 48, go raibh aithne curtha ag Muiris ar Chathal Ó Conchubhair faoin mbliain 1764, ó tharla go raibh Muiris ag cóipeáil annála a bhí ina chnuasach faoin am sin. Is dóigh liom gur cheart sin dó, ach is eol dúinn gur bh é an Dr Francis Stoughton Sullivan a rinne an socrú sin le Cathal Ó Conchubhair ag deireadh na bliana 1763, agus ní raibh Muiris ag obair do Chathal Ó Conchubhair go díreach go dtí an bhliain 1766.

their own Houses. N.B. He is perfect Master of the Difficulties attending the Reading and Explaining the ancient Irish Manuscripts in Vellum.<sup>2883</sup>

Bhí Thomas Leland, LL.D. (1722-1785), ina leabharlannaí sa choláiste sa bhliain 1761 agus idir na blianta 1768 agus 1781, agus ba eisean an té ba mhó a chinntigh gur méadaíodh an cnuasach lámhscríbhinní Gaeilge ann le linn na mblianta sin. Bhí spéis éigin á cur ag an Dr Leland i bhfoinsí staire Gaeilge chomh fada siar leis an mbliain 1766, an bhliain ar cheannaigh sé, faoi choinne na leabharlainne, cóip neamhiomlán de *Annála na gCeithre Máistrí* ag ceant leabhar an Dra Seán Ó Fearghusa i mí Feabhra 1766 (O’Sullivan 1976: 235, 247), mar aon le roinnt leabhar eile. Cé gur féidir gur cúitíodh sin dó ina dhiaidh sin,<sup>2884</sup> is éasca a shamhlú—ar an ábhar sin, agus diomaite de nach raibh sé ag feidhmiú mar leabharlannaí sa bhliain 1766 féin—gurbh eisean a chuir Muiris Ó Gormáin a chlárú na lámhscríbhinní a fuarthas ó chnuasaigh an Dra Seán Ó Fearghusa agus an Dra Francis Stoughton Sullivan an bhliain sin. Luaitear Muiris Ó Gormáin i leabhar cuntais Choláiste na Trionóide i mí na Nollag 1766, nuair a fuair sé £1.2.9 ‘for classing the Irish manuscripts’, agus díoladh sin leis arís ar an 5 Bealtaine 1767 (O’Sullivan 1976: 241). B’fhéidir gur de bharr an fhógra a d’fhoilsigh sé cúpla mí roimhe sin ar *Faulkner’s Dublin Journal* a chuir Muiris aithne ar Charles Vallancey den chéad uair, ach is deimhin, cibé rud é, go raibh baint éigin acu lena chéile faoin 9 Bealtaine 1767,

---

<sup>2883</sup> *Faulkner’s Dublin Journal*, an 21 Meitheamh 1766. Cuireadh athchló ar an bhfógra an 24 Meitheamh 1766, an 28 Meitheamh 1766, an 1 Iúil 1766, an 8 Iúil 1766, an 12 Iúil 1766, an 15 Iúil 1766, an 19 Iúil 1766.

Foilsíodh fógra eile den chineál seo ar *Sleater’s Public Gazette* ar an 24 Lúnasa 1765, ach níor tugadh ainm an teagascóra ann. Tugtar cóip de in Ó Casaide (1934a: 143),

A Person is now in Dublin, who is qualified to teach the IRISH LANGUAGE in it’s [*sic*] native purity and also to translate any antient Authors into the English Tongue, without effacing the Beauties or Peculiarities of the Original, as fr [*sic*] as our Idiom will admit. Whoever is desirous of being instructed to Perfection in this celebrated, tho’ almost forgotten Language, shall be attended at their own Homes, or at the Teacher’s Place of Abode, by applying to the Printer hereof”.

<sup>2884</sup> Féach O’Sullivan (1976: 234 n.31).

an lá ar chóipeáil sé seanchonradh a bhí i gcnuasach Vallancey an uair sin.<sup>2885</sup> Is beag nach cinnte go raibh Muiris ag teagasc na Gaeilge dó sna blianta luatha seo,<sup>2886</sup> agus tá cuid mhaith de na téacsanna a chóipeáil sé dó ar coimeád san Acadamh Ríoga agus i gColáiste na Trionóide, a mbunáite gan dáta, is trua. Is dóigh go mbaineann an leabhar comhrá a chuir Muiris le chéile d'fhoghlaimoirí Gaeilge leis an tréimhse chéanna,<sup>2887</sup> modh teagaisc atá cosúil leis an *modh frása* a bhíodh go mór chun tosaigh tráth; tá liostaí téamúla focal aige i lámhscríbhinní eile, a tiomsaíodh mar áiseanna múinteoireachta fosta, is dóigh.<sup>2888</sup> Ba é an chéad tionscnamh eile ar chuir Muiris tús leis thart faoin am sin sraith mhór scéalta próis a scríobh idir 1766 agus 1770,<sup>2889</sup> cuid den ábhar ag teacht ó 'the manuscripts of the learned Doctor Sullivan'.<sup>2890</sup> Cnuasach de scéalta próis, scéalta rómánsaíochta a bhformhór, atá ann, rud a chuir Muiris le chéile ó lámhscríbhinní Ultacha, ar féidir CT H.2.6 (1297) a áireamh ina measc. Baineadh cuid den ábhar as na trí imleabhar sin—ARÉ 23M3 (331), ARÉ 23M10 (335), agus ARÉ 23M12 (10)—arbh aon lámhscríbhinn amháin iad ó bhunús a chuir Maghnus Ó Domhnaill (*q.v.*) le chéile sa

<sup>2885</sup> Tá cóip Mhuiris Uí Ghormáin in LB Eg. 152, f. 62, agus an nóta seo uaidh: 'This is a true copy transcribed out of vellum, and every letter and word as directly in the original of said vellum. Scripsit. May 9<sup>th</sup> 1767. by Maurice Gorman. I got y<sup>e</sup> original from Major Valancey at y<sup>e</sup> Black Rock near Dublin', *B.M. Cat.*, i, 66. Gheofar tuilleadh eolais faoin gconradh seo, a bhaineann le muintir Mhic Con Mara, in O'Sullivan (1999: 278-9). Tá cáipéis eile den sórt seo i lámh Mhuiris in MN C71 (*c*29).

<sup>2886</sup> Féach an nóta a scríobh Séamus Ó hArdagáin in LB Eg. 129, f. 1b; tugtar cóip dí in Aguisín 16. Tá sleachta as téacsanna Gaeilge i gcuid de na litreacha a chuir Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair nuair a bhí sé ag foghlaim na Gaeilge ó Mhuiris, agus is soiléir ó lorg na láimhe go raibh sé ag déanamh aithris ar lámh Mhuiris. Féach, mar shampla, na litreacha a scríobhadh ar an 25 Aibreán 1772, an 31 Lúnasa 1772, agus an 25 Deireadh Fómhair 1772, srl., atá ar coimeád in ARÉ B.i.2 (1160). Tosaitheoir a bhí in Charles Vallancey an tráth sin, óir iarrann sé ar Chathal Ó Conchubhair, i litir dar dáta an 31 Márta 1772, thart ar scór nathanna Gaeilge a chur chuige le go mbeidh sé in ann iad a chur i gcomparáid le teangacha eile, ARÉ B.i.2 (1160). Is léir ó litreacha eile go raibh náire air faoin mbeagán Gaeilge a bhí ar eolas aige.

<sup>2887</sup> Déanfar plé ar an leabhar seo thíos. Léirigh McCaughey (1968) an tionchar a bhí ag an leabhar comhrá seo ar a bhfuil in *Bolg an tSoláir* (1795); féach an plé a thugtar ar Phádraig Ó Loingsigh i *gCaib. 2.185* thíos.

<sup>2888</sup> Tá na liostaí seo in ARÉ I.v.1 (*j*) (745). Liónann siad 21 dhuilleog.

<sup>2889</sup> LN G144, LN G145, LN G146, agus LN G147. Tugtar na dátaí seo iontu: (1) an 5 Iúil 1766, LN G145, lch 176; (2) an 4 Lúnasa 1766, LN G145, lch 379; (3) an 5 Deireadh Fómhair 1766, LN G147, lch 1; (4) 1767, LN G144, lgh 412, 467; (5) 1770, LN G146, lch 367.

<sup>2890</sup> Féach an nóta in LN G144, lch iii, nó an *N.L.I. Cat.*, iv, 99.

bhliain 1706.<sup>2891</sup> Bhí obair eile ar na bacáin aige thart faoin am seo, ámh, le pingíní a thuilleamh. Is dóigh go bhfuair sé duais a dhána, *Is aoibhinn dhuit, a Éire*, ó Hugh Percy sa bhliain 1763, óir is é rud a rinne Muiris sa bhliain 1767, nuair a toghadh comharba ar Percy, téacs an dáin a athrú beagán, agus é a chur chuig an gcomharba sin, George Townsend. Dhíol sé sé lámhscríbhinn eile le Coláiste na Tríonóide go gairid roimh mhí an Mhárta 1768 (O’Sullivan 1976: 237).

I ndiaidh do George Townsend éirí as a phost sa bhliain 1772, bheartaigh Muiris ar an dán ceannann céanna a chur chuig beirt Fhear Ionaid an Rí eile: John Hobart, 1777-1780; agus George Nugent Grenville, 1782-1789.<sup>2892</sup> Ní haon rud uathúil seo i scéal litríocht na Gaeilge, ar ndóigh, agus ba phraiticiúil an duine é Muiris. D’éirigh leis, laistigh d’achar cúig bliana déag—ón uair a scríobh sé LN G333 sa bhliain 1752—aithne a chur ar chúigear de na hársaitheoirí ba mhó le rá in Éirinn lena linn féin—Seán Ó Fearghusa, Cathal Ó Conchubhair, Francis Stoughton Sullivan, Charles Vallancey, agus Thomas Leland. I measc na bpáipéar scaoilte de chuid Mhuiris a tháinig anuas chugainn, is minic a fheictear tagairtí do bhailitheoirí lámhscríbhinní, agus tugann cuid de na nótaí in LN G458 le fios go raibh sé ag cur le chéile treoir bheag de na ‘daoine maithe’ i Leith Chuinn a raibh spéis i litríocht na Gaeilge acu, nó seanlámhscríbhinní idir lámha acu.<sup>2893</sup> Bhí lámhscríbhinn ó

---

<sup>2891</sup> Féach nóta 2509 thuas.

<sup>2892</sup> Cuireadh na dánta seo, maille le beathaisnéisí ar na leasríthe, i gcló in Mac Cathmhaoil (2013: 120-5, 195-202, 229-44).

<sup>2893</sup> Tugann Ní Shéaghdha an cuntas seo a leanas ar LN G458, lgh 109-10: ‘Memoranda: Names of people (some doctors, teachers, clergymen) their locations—mainly in the North—(in Irish and English); some cancelled’, *N.L.I. Cat.*, x, 51. Is aisteach an rud é nach mbaineann ach fíorbheagán de na daoine ar an liosta leis an gceantar liteartha inar oileadh Muiris, Oiriaila; is féidir go raibh lámhscríbhinní meamraim uaidh, is ní dócha go raibh fáil ar mhórán acu thart faoin am sin in Oiriaila. Is foinse iontach eolais na catalóga a scríobh sé, ach ós rud é go bhfuiltear á gcur in eagar faoi láthair, ní phléifear anois iad. Féach nóta 2868 thuas.

Maidir leis na nótaí eile, b’fhearr samplaí fáin ná míniú fada a thabhairt anseo: ‘A Book titled Ughacht Rúaghain Lothra formerly left in the family of the Kennedy’s of the parish of Leacain in the County of Tipperary ... said Book once opened of itself & shut again: it is riveted, & wrote on the back forbidding any to open it; it is wrote in Irish’, LN G447, lch 13; ‘An Sagart A Fáolan a pheacaidh thruaigh. N.B. I am to write the same for John Murphy(?) again the 28 Septemb<sup>r</sup>’, ARÉ

leabharlann Chathail Uí Chonchubhair aige i mBaile Átha Cliath ar an 26 Aibreán 1770,<sup>2894</sup> agus é ag cóipeáil téacsanna—ginealaigh na n-uaisle Ultacha—aisti lena chnuasach féin a mhéadú; tá na cóipeanna sin fós i measc a chuid páipéar. Ní hé sin a rá nár scríobh sé ábhar ó am go chéile ar bhonn neamhfhoirmeálta do dhaoine eile a raibh sé mór leo: chóipeáil sé cnuasach beag scéalta rómánsaíochta ‘da charaid’ Bháitear Ó Gnúda, ag scor dá scríobh ar an 29 Lúnasa 1770.<sup>2895</sup> Tugann na tagairtí fáin seo le fios dúinn go mbíodh Muiris ag plé le léitheoirí agus le scoláirí Gaeilge beag le rá i mBaile Átha Cliath, a fhad is a bhí sé fostaithe ag Charles Vallancey agus na pátrúin mhóra eile. Is dóigh gur tharraing sé ar an gciorcail mór sealbhóirí lámhscríbhinní ar ar chuir sé aithne trí na blianta le heolas i dtaobh seanlámhscríbhinní a sholáthar dá phátrúin agus do lucht na seandachtaí trí chéile: rud a chinntigh go bhfuair Muiris faill lámhscríbhinní a scrúdú nach mbeadh teacht ag gnáthscríobhaithe Gaeilge orthu de ghnáth. Taispeánann litir a scríobh Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair ar an 20 Eanáir 1771, mar shampla, go raibh cur amach éigin ag Muiris ar chnuasach lámhscríbhinní an mhórscoláire úd Bhéal Átha na gCarr,

... I request the favour of you to bring up with you the *dinnsheanchas* and to permit me to peruse it. Gorman has led me to entreat this favor by the frequent enquiries I have made for an antient Topographical Description of this Country.<sup>2896</sup>

---

23M4 (332), lch 148; ‘Run gach duine si an staidbhean wrote for Coll<sup>l</sup> Valancey Nov<sup>r</sup> 9<sup>th</sup> Emonn a’ chnuic, ...’, LB Eg. 135, f. 8b; ‘N.B. to give some Irish verses to the Revd. Patrick Kierawin at Adam and Eve to be sent to the Revd. Dominick McDruett’, ARÉ 23D16 (506), lch 313.

<sup>2894</sup> Seo an nóta a scríobh Muiris: ‘from a book of Mr. Chas O Connor of Ballynagar, Co. of Roscommon, & now in Dublin, April 26, 1770’, LB Eg. 135, f. 26; féach an *B.M. Cat.*, ii, 147. Is doiligh a rá cé acu Cathal Ó Conchubhair, nó a chuid lámhscríbhinní amháin, a bhí i mBaile Átha Cliath ar an 26 Aibreán 1770.

<sup>2895</sup> LB Eg. 662.

<sup>2896</sup> ARÉ B.i.2 (1160), litir ó Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair, an 20 Eanáir 1771; tá cuid den litir i gcló in Mac Cathmhaoil (2013: 72 n.30).



Cá bhfios do Mhuiris sin murab é gur scrúdaigh sé cnuasach Chathail Uí Chonchubhair am éigin roimhe sin? De bhreis ar an méid sin, tá leid nó dhó againn gur chuir Muiris a chnuasach féin ar fáil go flaithiúil do scoláirí Gaeilge eile. Thug sé, mar shampla, dea-chóip luachmhar Risteaird Tuibear de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ ar iasacht don Ath. James Pulleine sa bhliain 1771,<sup>2897</sup> agus ghraf sé cnuasach beag de dhánta Chearbhalláin i láimh chúramach ghairmiúil an bhliain chéanna, ag cur nóta ‘Maurice Gorman Scripts, March 29<sup>th</sup>, 1771’ leis an saothar áit amháin.<sup>2898</sup> Bhí tuairim ag cúpla scoláire gur do Chathal Ó Conchubhair, b’fhéidir, a scríobhadh iad, nó is istigh le cnuasach Stowe atá an glacán dánta sin anois. Ní mór dúinn cuimhneamh air, áfach, go bhfuil páipéir eile de chuid Mhuiris i gcnuasach Stowe a bhfuil lorg láimhe Henrí Mhic an tSaoir orthu, rud a thabharfadh le fios gur

<sup>2897</sup> LN G361. Tá an nóta ar lch ii. Féach nóta 619.

<sup>2898</sup> ARÉ E.ii.1 (746). Tá an dáta, an 29 Márta 1771, ar lch 89. Déanann Flower trácht gairid ar ARÉ E.ii.1 (746) sa *B.M. Cat.*, ii, 48, ach tugann sé plé i bhfad níos iomláine ar ábhar na lámhscríbhíne áit eile sa chatalóg. I dtaobh na ndánta de chuid Thoirdealbhaigh Uí Chearbhalláin atá in LB Eg. 135, bhí an méid seo le rá ag Flower, *B.M. Cat.*, ii, 144,

The source of the following poems is indicated in a note by Hardiman at the foot of f. 8: “These were copied at Belanagar by the scribe Maurice Gorman, from the originals in the handwriting of Charles O’Conor, taken from Carolan himself.” And on f. 8b is a note by O’Gorman: “Run gach duine si an staid-bhean wrote for Coll<sup>l</sup>. Valancey Nov<sup>r</sup> 9<sup>th</sup> Emonn a chnuic, Gracey Nugent, Mad<sup>m</sup> Cole, O’Connor Faly, Planxty Connor, Bridget Cruse, Carolan’s Receipt, Angelical Maid, Si Maire inghean Henri, Lord Louth, Mrs. French.” The Rev. Charles O’Conor states, *Cat. of Stowe MSS.*, i, p. 166, that O’Gorman “was employed by the Chevalier O’Gorman to copy the Irish Annals of the IV Masters at Belanagare, and availed himself of that opportunity to transcribe Mr. O’Conor’s original MS. of Carolan’s Songs in 1771.” But the Stowe MS. XLII. (now [ARÉ E.ii.1 (746)]) contains a number of songs of Carolan, including several for members of the O’Conor family, and has, appended to the poems, the note: “Maurice Gorman scripts March 29<sup>th</sup>, 1771.” [LB] Eg. 131, arts. 9–13 appear to derive from this MS. Other copies of Carolan’s songs in [LB] Eg. 127, arts. 97–99 (where they are an insertion) seem to have been made at the same time as the present series.

Cuid den ábhar atá in ARÉ E.ii.1 (746), tá sé in LB Eg. 135 fosta. Ní thugann Ó Máille (1916: 48) míniú ar bith ar ábhar ARÉ E.ii.1 (746), agus níor úsáid sé LB Eg. 135 lena eagrán d’amhráin Chearbhalláin a réiteach.

Ba nós do Mhuiris i gcónaí ‘F = I = N = I = T’ a scríobh sa dóigh sin ag deireadh téacsanna, ach tá duine éigin tar éis an chuid is mó de na nótaí sin a chealú in ARÉ E.ii.1 (746), cé go bhfágann sé colafon Mhuiris féin, agus an nóta ‘F / I / N / I / S’, gan é a scrios áiteacha eile. Tharlódh sé gur baineadh seo as an eiseamláir, óir ní úsáideadh Muiris an cineál sin leagan amach. An é gur iarr an pátrún ar Mhuiris cóip ghlan den ábhar a dhéanamh, agus go ndeachaigh an pátrún sin siar ar a chuid oibre? Má d’iarr, is féidir go raibh Muiris ag déanamh cóipeanna glana do Chathal Ó Conchubhair de sheanleabhair a bhí ina chnuasach cheana féin. Tuairimíocht ghlan is ea é seo, ach is féidir go dtacaíonn sé lena bhfuil intuigthe ó Ní Mhunghaile (2009a: 229), gurbh i dteach Chathail Uí Chonchubhair a scríobhadh cuid Mhuiris de ARÉ E.ii.1 (746), agus is eol dúinn go raibh Muiris ag déanamh obair chóipeála do Chathal Ó Conchubhair chomh fada siar leis an mbliain 1766, agus gur tharla ARÉ E.ii.1 (746) i gcnuasach Stowe.

féidir go mór gur cuireadh leis an gnuasach iad tar éis bhás Chathail Uí Chonchubhair. Bhí tuairim ag Robin Flower, *B.M. Cat.*, ii, 48, 144, gur bhain Muiris an méid de dhánta Chearbhalláin atá in ARÉ E.ii.1 (746) as bunscríbhinn éigin a bhí i gnuasach Chathail Uí Chonchubhair. Is follas gur bhunaigh sé an méid sin ar nóta a scríobh Séamus Ó hArdagáin in LB Eg. 135, nóta a bunaíodh é féin ar chatalóg Charles O’Conor (garmhac Cathail Uí Chonchubhair) de lámhscríbhinní Stowe—ach níl eiseamláir chóip Mhuiris ar fáil sa chnuasach sin anois, ná in aon chnuasach eile, go bhfios dom. Tharraing Domhnall Ó Molomhna, an té a scríobh dhá chnuasach bhreátha de dhánta Chearbhalláin, ar lámhscríbhinn a scríobh cara le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, James Hegarty éigin, ach ní fios dom céir leis í san 18ú hAois. Is doiligh a rá, ar an ábhar sin, cé uaidh a bhfuair Muiris Ó Gormáin eiseamláirí ARÉ E.ii.1 (746), ach is féidir go raibh an ceart ag Robin Flower. Bhí Muiris fós ag tabhairt eolais do Charles Vallancey ag deireadh na bliana 1771 i dtaobh lámhscríbhinní Gaeilge a chonaic sé, mar a thaispeánann tagairt a rinne Charles Vallancey dó i litir a scríobh sé chuig Cathal Ó Conchubhair ar an 6 Samhain 1771,

My Search as yet has proved fruitless, or [*sic*] is poor Gorman of much assistance in this more refined part of Study—he tells me he has seen a Mss in S. Patrick’s Library entitled Leabhar Fisig(h)idheachta ar Chúrsa na nDúl, Greine 7 na Rae ... This Mss. is lost...<sup>2899</sup>

Mí ina dhiaidh sin, scríobh Charles Vallancey arís, ag tabhairt le fios go raibh Muiris tar éis dán molta eile a cheapadh ar dhuine de mhórfhigiúirí polaitiúla an lae, Seorsa

---

<sup>2899</sup> ARÉ B.i.2 (1160), litir ó Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair, an 6 Samhain 1771. Ní hé go mbíodh Muiris in ann a chuid pátrún a shásamh i dtólamh, ná baol air: féach an giota litreach (gan dáta) atá istigh le ARÉ B.i.2 (1160). Ar an ábhar go ndéantar trácht ar an ‘Senchas Már’ ann, rud a bhí á chóipeáil ar son an Committee of Antiquaries sa bhliain 1773 (féach an chuid den chuntas seo a bhaineann leis an mbliain 1772), is dóigh go mbaineann an litir leis an tréimhse sin. Is i bpeannaireacht Charles Vallancey atá sí,

Have you ever met with a MSS describing wholly or in part the Mythology of the ancient Irish. Gorman is totally ignorant of this Subject...

Mhac Cartna nó George MacCartney (1737-1806).<sup>2900</sup> D'éirigh go maith leis, le cuidiú a phátrúin, nó bhí an méid seo le rá ag Charles Vallancey i nóta a scríobh sé chuig Cathal Ó Conchubhair ar an 14 Nollaig 1771,

Gorman requests I will tell you that I had his Verses presented to Sir Geo MacCartney who rewarded his panegyrick with five guineas.<sup>2901</sup>

Príomhrúnaí Fhear Ionaid an Rí a bhí in George MacCartney an uair a scríobhadh an dán seo, duine a raibh, is dóigh, bá éigin aige le muintir Chaitliceach na hÉireann (Mac Cathmhaoil 2013: 212), agus tá cúig chóip den dán a scríobh Muiris air ar coimeád go fóill, go bhfios dom.<sup>2902</sup> Is é tuairim Mhic Cathmhaoil (2013: 212) go bhfuil an iarracht seo insamhlaithe le dánta molta Thoiridhealbhaigh Uí Chearballáin, más fíor gur mheas Cathal Ó Conchubhair nach raibh inti ach 'bagatelle'. Tugann Ní Mhunghaile (2009a: 226-7) le fios go bhfuair Muiris cúig ghini mar chúiteamh ar an dán, 'rud a chuir ionadh ar Chathal Ó Conchubhair', nó scríobh sé i litir dar dáta an 10 Eanáir 1772 chuig an Ard-Easpag Seán Mac an tSaoir, duine eile de lucht aitheanta Mhuiris,

Would you believe that an Irish *dá[n]* was patronized in the age we live in, and yet our Gorman got five guineas for his poetical bagatelle from Sir George Macartney. But the Secretary is our brother Milesian and he mingled his benefaction with an act of charity.<sup>2903</sup>

---

<sup>2900</sup> Cuireadh an dán sin, *Ó taoi gach Ardfhlaith i gcéin*, in eagar in Mac Cathmhaoil (2013: 134-6), agus tugtar nótaí beathaisnéise ar George MacCartney (Seorsa Mhac Cartna) in Mac Cathmhaoil (2013: 210-13). Féach fosta an cuntas ar an Ard-Easpag Seán Mac an tSaoir, i gCaib. 2.31, nóta 1037 ach go mórmhór, áit a ndéantar plé gairid ar na cúig chóip den dán a tháinig slán.

<sup>2901</sup> ARÉ B.i.2 (1160), litir ó Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair, an 14 Nollaig 1771.

<sup>2902</sup> Rinneadh plé ar na cúig chóip sin sa chuntas ar an Ard-Easpag Seán Mac an tSaoir i gCaib. 2.31.

<sup>2903</sup> Ward & Coogan (1980: 6 col. b); Ward, Wrynn & Coogan Ward (1988: 255-6); litir ó Chathal Ó Conchubhair chuig an Ard-Easpag Seán Mac an tSaoir, an 10 Eanáir 1772. Tugadh an t-eolas seo cheana in Ní Mhunghaile (2009a: 227).

D'fhostaigh an Dr Thomas Leland, leabharlannaí Choláiste na Tríonóide, Muiris fosta mar scoláire Gaeilge, le linn dó a bheith ag réiteach a shaothair staire, *History of Ireland from the Invasion of Henry II to the Revolution Settlement* (1773).

Diomaite de go bhfuil tuairim ag Mac Cathmhaoil (2013: 26) gur fhostaigh sé Muiris i ndiaidh don Dr Francis Stoughton Sullivan bás a fháil sa bhliain 1766, is doiligh a rá cá huair go díreach a thairg an Dr Leland post do Mhuiris, ná goidé an obair a rinne Muiris dó ar chor ar bith. Chonaic muid cheana gur cheannaigh leabharlann Choláiste na Tríonóide lámhscríbhinní ó Mhuiris le linn don Dr Leland a bheith ina leabharlannaí ann, agus gurbh ag an am céanna—1766-7—a cuireadh Muiris ag clárú na lámhscríbhinní Gaeilge a bhí ann; thig linn a bheith siúrálte de go raibh Muiris fostaithe go pearsanta ag an Dr Leland é féin ó am go chéile fosta. Níl d'eolas againn faoin obair a rinne Muiris don Dr Leland, áfach, ach go bhfuair sé réidh le Muiris am éigin roimh an 31 Márta 1772. Thagair Charles Vallancey do dhálaí Mhuiris i litir a chuir sé chuig Cathal Ó Conchubhair an lá sin. Tugann an litir chéanna cuntas maith ar an mbaint a bhí ag Muiris leis an ngraiméar Gaeilge a bhí á scríobh ag Charles Vallancey thart faoin am céanna, *A Grammar of the Iberno-Celtic, or Irish Language* (1773),

The Grammar shall be printed in the Roman Letter, with the aspirations ... & then follows a vocabulary, & a few familiar Phrases & Sentences all in the Irish Letter: to these I would willingly add a few Lines from some of our best poets ... at the End I shall give all the Ligatures or Abbreviations I have met with which are to be engraved in Columns, as in Du Cange's Greek—in all this poor Gorman is rather a stumbling Block than an assistance, rather a Check than a Spur. I have dedicated to S<sup>r</sup> Lucius O'Brien, as the most popular man of the old Stock & he is pleased with the dedication...

Leland has already discharged my friend Gorman, he is now poor fellow unemploy'd, and in good measure depending on my Kitchen, to say the truth, he is seldom quite sober, tho' at 8 in the morning—yet Leland nor all the Colledge crew shall not put me off my Plan: if it be agreeable to the provost my friend S<sup>r</sup> Lucius will obtain a Salary for an Irish professor, established by

the Senate, ... I hope ... to establish some Man of tolerable parts in the Translations of our Mss.—now should either of my projects succeed can you point out a proper man for this task, some one good Latin Grammarian that can properly express himself in the English Language?<sup>2904</sup>

De na pátrúin ar fad a bhí ag Muiris, ní ceist dúinn gurbh é Charles Vallancey an fostaitheoir ba thuisceanaí agus ab fhlaithiúla san iliomad slí, agus is follas go raibh meas nár bheag aige ar an bhfoghlaim a bhí ar an scríobhaí. B'fhéidir nach ábhar iontais go gceanglaíonn Ní Shéaghdha (1989: 52) agus Mac Cathmhaoil (2013: 26) an dúil a bhí ag Muiris san ól leis an dóigh ar chaill sé an post sin a bhí aige faoi stiúradh an Dra Leland, ach is féidir go raibh a dhóthain mhór d'ábhar ag an Dr Leland faoin am sin: is beag ábhar Gaeilge a cheadaigh sé sa saothar a d'fhoilsigh sé, cibé rud é.<sup>2905</sup> Tá, mar iarscríbhinn leis an litir úd dar dáta an 31 Márta 1772, nóta gearr i dtaobh an ghraiméir, agus na coinníollacha faoinar fhostaigh Charles Vallancey Muiris,

I am now in treaty with the printers, & have also wrote to the London Booksellers—if I can throw 20 pounds in poor Gorman's pocket, & be no loser myself is all I wish by this Grammar.<sup>2906</sup>

Cúpla mí ina dhiaidh sin, rinneadh socrú leis an Royal Dublin Society go mbunófaí cumann seandachtaí, an Committee of Antiquaries. Ceapadh Lucius O'Brien, feisire parlaiminte agus ridire, ina chathaoirleach, agus rinneadh rúnaithe de Charles Vallancey agus den Dr Thomas Leland. Thuigfí ó chuid de na litreacha a scríobh Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair thart faoin am sin go raibh baint an-láidir aige le bunú an chumainn, rud a tharla ar an 14 Bealtaine 1772; agus

---

<sup>2904</sup> ARÉ B.i.2 (1160), litir ó Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair, an 31 Márta 1772. Tá cuid den litir seo i gcló in Ní Mhugháile (2009a: 223), agus in Mac Cathmhaoil (2013: 26, 28).

<sup>2905</sup> Tagraíonn Mac Cathmhaoil (2013: 26) do shaothar Love (1962) mar thacú leis an tuairim seo—féach fosta Love (1962: 15)—agus cuireann sé in iúl fosta (Mac Cathmhaoil 2013: 71 n.26) nach eol dó lámhscríbhinn ar bith dár scríobh Muiris Ó Gormáin don Dr Thomas Leland a bheith ar fáil anois, mar nach eol dom féin.

<sup>2906</sup> ARÉ B.i.2 (1160), litir ó Charles Vallancey chuig Cathal Ó Conchubhair, an 31 Márta 1772.

ritheadh rún ag an gcéad chruinniú, a réachtáladh an 18 Bealtaine 1772, go ndíolfaí cúig ghiní [= £5.13.9 an uair sin] le Muiris gach ráithe as obair chóipeála a dhéanamh,

Resolved. That this Committee will employ Maurice O Gorman as their Amanuensis at the Rate of Five Guineas per Quarter.<sup>2907</sup>

Ón am ar bunaíodh an cumann, go dtí gur tháinig deireadh leis ag deireadh na bliana 1774, bhí Muiris fostaithe acu ar bhonn leanúnach, agus fuair sé 46 ghiní nó £52.6.6 uathu san iomlán.<sup>2908</sup> Tugadh giní sa bhreis do Mhuiris ar ábhar éigin ar an 7 Deireadh Fómhair 1772, agus is doiligh a rá goidé an obair a rinne sé le linn na mblianta sin. Cuid de na cóipeanna a rinne Muiris de ‘Leabhar na gCeart’ agus giotáí eile atá san Acadamh Ríoga, bhí tuairim ag Eoghan Ó Comhraí gur scríobhadh iad don Royal Dublin Society, agus más fíor an méid sin, is dóigh gur don Committee of Antiquaries a scríobhadh iad. Is eol dúinn, cibé rud é, gur thiomsaigh Muiris catalóg eile, LN G664, de na lámhscríbhinní a bhí ar coimeád aige ‘... in my room at Mrs. Ross’s house in Fleet Lane, College Street’ i gcathair Bhaile Átha Cliath ar an 3 Deireadh Fómhair 1772.<sup>2909</sup> Cheannaigh an Committee of Antiquaries

<sup>2907</sup> Leabhar miontuairiscí an Committee of Antiquaries, ARÉ 24E7 (1260), an 18 Bealtaine 1772.

<sup>2908</sup> Tugtar cuntais an Committee of Antiquaries ar chúpla duilleog i gcúl an leabhair miontuairiscí, ARÉ 24E7 (1260),

May 23 [1772].	To Maurice O Gorman.	2.5.6
August 20 [1772].	Paid Maurice O Gorman the remainder of his Quarter’s salary, due the 23 <sup>d</sup> Ins <sup>t</sup> for	3.8.3
Oct <sup>e</sup> 7 [1772].	Paid Maurice O Gorman on Acc <sup>t</sup> .	1.2.9
Nov <sup>e</sup> 20 [1772].	Paid Maurice O Gorman a Quarter’s due the 23 <sup>d</sup> Ins <sup>t</sup> .	5.13.9
Feb. 24 [1773].	Paid Maurice O Gorman a Quarter Due the 23 <sup>d</sup> Ins <sup>t</sup> .	5.13.9
26 [Bealtaine 1773].	Paid Maurice O Gorman a Quarter due the 23 <sup>d</sup> Ins <sup>t</sup> .	5.13.9
Aug <sup>st</sup> 25 [1773].	Paid Maurice O’Gorman a Qu <sup>e</sup> due 23 <sup>d</sup> Ins <sup>t</sup> .	5.13.9
No <sup>t</sup> 27 [1773].	Paid Maurice O’Gorman a Q <sup>e</sup> due 23 <sup>d</sup> Ins <sup>t</sup> .	5.13.9
6 Mar [1774].	Paid M. Gorman a Qu <sup>rs</sup> Salary due 23 <sup>d</sup> Feb <sup>y</sup> last.	5.13.9
8 [Bealtaine 1774].	Paid M Gorman a Qu <sup>rs</sup> Salary due the 23 <sup>d</sup> Inst.	5.13.9
8 Aug [1774].	P <sup>d</sup> M <sup>r</sup> Gorman a Qu <sup>r</sup> Salary.	5.13.9

Tugtar díreach faoin nóta dar dáta an 20 Samhain 1772 an nóta ‘To buy manuscripts’, £2.5.6. Níl a fhios agam cé uaidh ar ceannaíodh iad.

<sup>2909</sup> Féach nóta 2868 thuas.

seanlámhscríbhinn nó dhó idir 1772 agus 1774, agus cúpla leabhar le linn an ama chéanna; tá an chuma ar an scéal gur caitheadh breis agus £1.18.5 (níos lú ná £4.16.11) ar pháipéar bán le hábhar a chóipeáil.<sup>2910</sup> Déantar tagairt amháin eile do ‘our Ammanuensis Maurice O Gorman’ i miontuairiscí an Committee of Antiquaries ar an 24 Feabhra 1774, agus bhí sé fós ag fáil díolaíocht ón gcumann chomh mall leis an 8 Lúnasa 1774,<sup>2911</sup> an uair dheireanach a thugtar a ainm sna cuntais. Bhí teipthe ar an Committee of Antiquaries faoin 23 Samhain 1774, agus chaill Muiris a phost, ar ndóigh. Choinnigh Charles Vallancey gnóthach é, agus deirtear go raibh sé fós ag tabhairt fiche giní sa bhliain dó, nuair a tháinig an dara huimhir déag de chuid *Collectanea Vallancey* amach sa bhliain 1783.

Thug Muiris aghaidh ar thionscnamh beag dá chuid féin idir na blianta 1774 agus 1775, ag tarraingt ar théacsanna a chuir sé le chéile tríocha bliain roimhe sin—is é sin, an meascán iontach luachmhar sin de sheanbhúrdúin agus de dhánfhocail a ghraf sé in ARÉ 23A45 (629)—thug sé faoina n-athscríobh isteach in LB Eg. 127. Chuir sé roinnt téacsanna uathúla leo, agus dornán dánta le filí comhaimseartha ó Bhréifne agus ó Oiriaila. Rinne scoláire eile ó Bhaile Átha Cliath, Labhrás Ó hArann (*q.v.*), a chóip féin den chnuasach bunaidh trí bliana ina dhiaidh sin. Roghnú pearsanta dá

<sup>2910</sup> Féach na figiúirí a thugtar i gcuntais an Committee of Antiquaries, ARÉ 24E7 (1260),  
 July 25 [1772]. Books for writing in, by Order of M<sup>r</sup> Vallancey. 1.10.5  
 Feb. 24 [1773]. Paid the Exec<sup>ts</sup> of Dav. Hay for Books to write in. 0.8.0  
 June 14 [1773]. Paid Eliz: Lynch for Books to write in, and  
 Desiderata Hibernica Curirosa. 2.18.6

<sup>2911</sup> Féach an leabhar miontuairiscí, ARÉ 24E7 (1260), faoin 24 Feabhra 1774,  
 That our Ammanuensis Maurice O Gorman do wait on the Members in Arrear, to collect their Subscriptions in order to enable the Committee to answer the demands made on them from abroad.

Rinne Charles Vallancey gearán le Cathal Ó Conchubhair i litir a scríobh sé chuige an 3 Meán Fómhair 1774, ARÉ B.i.2 (1160),

At the last meeting of our little Society, the Subscriptions were paid with so much reluctance, I am determined to summon them no more; if I can keep Gorman going for another half year it is the utmost our funds will allow.

Reáchtáladh an cruinniú deireanach a bhfuil trácht air sa leabhar miontuairiscí ar an 24 Feabhra 1774, agus is é an 3 Deireadh Fómhair 1774 an dáta is déanaí a thugtar sa leabhar cuntais, díolaíocht a bhaineann le hordú a rinneadh an bhliain roimhe sin. Ós rud é go raibh Muiris Ó Gormáin i dteideal cúig ghiní a fháil ar an 23 Samhain 1774—de réir na gcoinníollacha oibre faoinar fostaíodh é (féach na dátaí i nóta 2908)—thig linn glacadh leis gur tháinig deireadh leis an gcumann roimh an dáta sin.

bhfuil in ARÉ 23A45 (629) atá i lámhscríbhinn Labhráis Uí Arann, LB Eg. 161,<sup>2912</sup> ach is doiligh teacht ar eolas eile ar bith a ligfeadh dúinn a rá go raibh aithne mhaith aige ar Mhuiris.

Is beag atá againn óna láimh a scríobhadh sa bhliain 1776—giota scríbhneoireachta i measc a chuid páipéar, agus dhá chatalóg eile dá chnuasach leabhar.<sup>2913</sup> Tiomsaíodh an chéad chatalóg—ina dtugtar tuairisc ar na leabhair agus lámhscríbhinní Gaeilge— ar an 17 Bealtaine 1776 ina áras féin i dteach Mr. William Mekan, \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane],<sup>2914</sup> agus scríobhadh an liosta leabhar Béarla san áit chéanna an 1 Meitheamh 1776.<sup>2915</sup> Bhí sé ag obair arís an bhliain dár gcionn, 1777, do Chathal Ó Conchubhair. Ba faoina stiúradh a rinne Muiris neart cóipeanna d’annála éagsúla idir na blianta 1777 agus 1783, don Chevalier Thomas O’Gorman, ceannaí fíona ó Tonnerre sa Fhrainc.<sup>2916</sup> Is dóigh go raibh sé ar intinn ag an Chevalier O’Gorman

---

<sup>2912</sup> Thosaigh Labhrás Ó hArann a scríobh an leabhair seo, LB Eg. 161, ar an 24 Lúnasa 1778, *B.M. Cat.*, i, 601.

<sup>2913</sup> Tá an dáta 1776: (1) leis an dá chatalóg seo in LN G664, a dtugann an chéad cheann díobh cuntas ar lámhscríbhinní agus leabhair Ghaeilge a bhí aige; an dara ceann, is liosta gearr é de leabhair Bhéarla a bhí aige, rud atá istigh le catalóg na bliana 1772—féach nóta 2868; (2) le bhloghanna de na hannála in ARÉ 23M4 (332), lgh 263-4, a scríobhadh i mí na Samhna 1776, agus a ceanglaíodh le páipéir eile de chuid Mhuiris Uí Ghormáin.

<sup>2914</sup> LN G664, lch 17; féach nóta 2868 thuas. Féach nóta 614 i dtaobh an logainm.

<sup>2915</sup> LN G664, lch 28; féach nóta 2868 thuas.

<sup>2916</sup> Is fiú nóta gairid a thabhairt ar na hannála a scríobh Muiris Ó Gormáin anseo, mar aon le liosta díobh. Cé nach dtugtar sna hannála a chóipeáil Muiris don Chevalier O’Gorman ach dátaí aonair, agus sin díreach ag tús nó ag fíordheireadh na lámhscríbhinní, is féidir tuiscint fhulangach a fháil ar an méid ama a chaith Muiris á gcóipeáil ó na litreacha a scríobh Cathal Ó Conchubhair agus an Chevalier O’Gorman faoi agus faoina chuid oibre. Priontáiltear cuid acu sa chuntas seo, an chuid de a dhéanann plé ar an obair a rinne Muiris idir na blianta 1777 agus 1783.

Tugann Mac Cathmhaoil (2013: 30-1) liostaí de na lámhscríbhinní a ghráf Muiris do Chathal Ó Conchubhair agus don Chevalier O’Gorman, agus deir sé fosta go raibh Muiris i mbun cóipeála do Chathal Ó Conchubhair i mBéal Átha na gCarr sna blianta 1777, 1778 agus 1783, agus go raibh sé ag cur lámhscríbhinní le chéile don Chevalier O’Gorman idir 1771 agus 1778 (Mac Cathmhaoil 2013: 30-1). Tugtar na dátaí seo a bheag nó a mhór in Ní Mhunghaile (2009a), nó deir sí go raibh Muiris ag obair don Chevalier O’Gorman sna blianta 1771, 1777, 1778, 1781 agus [1783] (Ní Mhunghaile 2009a: 229-30). Chreid O’Sullivan (1976: 232 n.20) gur scríobh Muiris ARÉ 23F14 (88) don Chevalier O’Gorman, ach dúradh cheana i nóta 2753 nárbh é Muiris a scríobh. Is féidir CT H.2.1-3 (1294) a bhaint den liosta de lámhscríbhinní Mhuiris a chuir Mac Cathmhaoil le chéile, óir scríobhadh don Dr Sullivan í; sin agus cúpla botún beag curtha ina gceart, is iad na lámhscríbhinní a ghráf Muiris don Chevalier O’Gorman—cuid de ARÉ 23F11 (758), cuid de ARÉ 23F15 (759), formhór de ARÉ 23P11 (944), ARÉ 23F7 (986), ARÉ 23F8 (987), ARÉ 23F4 (990), ARÉ 23F5 (991), ARÉ 23F6 (992), blogh de ARÉ 24D9 (1039), blogh de ARÉ 24D18 (1043), ARÉ 24D11 (1050), ARÉ 23F10 (1195), cuid de ARÉ 23F12 (1196), blogh de ARÉ 24G20 (1203), agus LB Eg. 98. Féach nóta 2764



cnuasach mór annála a chur á dhéanamh dó féin, le go mbeadh sé in ann tarraingt orthu le ginealaigh na n-uaisle thar sáile a rianú. Ba é mórshaothar úd na gCeithre Máistrí, *Annála Ríoghachta Éireann* nó *Annála na gCeithre Máistrí* an tsraith annála ba mhó a bhí de dhíth air, is cosúil, nó b' in an chéad cheann a chuir sé á athscríobh. Chuige sin, d'fhostaigh sé Muiris mar scríobhaí. Cé gur scríobh cuid mhaith scoláirí ar chomhdhéanamh *Annála na gCeithre Máistrí*—Pól Breathnach, Cainneach Ó Maonaigh, agus Nollaig Ó Muraíle ach go mórmhór—is fiú a rá nach raibh ach trí bhunleabhar den saothar ar fáil don Chevalier O'Gorman, nuair a chéadsmoainigh sé ar a gcóipeáil: imleabhar Chathail Uí Chonchubhair, A.M. 2242 – A.D. 1171, ar a dtugtar ARÉ C.iii.3 (1220) inniu; imleabhar William Burton Conyngham, A.D. 1170 – A.D. 1616, lámhscríbhinn atá ina dhá cuid, ARÉ 23P6 (687) + ARÉ 23P7 (688),

fosta. Má fhágtar na sleachta beaga a scríobh Muiris don Chevalier O'Gorman as an áireamh, is iad na hannála a scríobh sé dó sna blianta sin,

Uimhir Phreasa.	Téacsanna agus Dátaí na nAnnála.	Dáta scríofa.	Féach nótaí:
ARÉ 23F7 (986).	<i>Annála Chonnacht</i> , 1224-1373.	1783 (lch teidil).	2938.
ARÉ 23F8 (987).	<i>Annála Chonnacht</i> , 1374-1544.		2938.
ARÉ 23F4 (990).	<i>Annála na gCeithre Máistrí</i> , 1171-1397.		2924, 2948.
ARÉ 23F5 (991).	<i>Annála na gCeithre Máistrí</i> , 1397-1556.		2924, 2948.
ARÉ 23F6 (992).	<i>Annála na gCeithre Máistrí</i> , 1557-1610.	1778 (f. 314v; lch deiridh).	2924, 2948.
LB Eg. 98.	<i>Annála Inis Faithleann</i> , 250-1064.	1783 (lch teidil).	2924, 2948.

Na trí imleabhar de *Annála na gCeithre Máistrí* a thugtar thuas, is cuid de shraith cúig imleabhar iad, agus baisteadh na huimhreacha 3, 4, agus 5 orthu. Tá Iml. 1 agus 2 de chuid na sraithe sin— a chlúdaíonn blianta luatha na nAnnála—i láimh scríobhaí Chathail Uí Chonchubhair, ——— Brennan, dar le hEoghan Ó Comhraí. Ba don Chevalier O'Gorman a scríobhadh iad go léir. Luadh na cóipeanna seo cheana in Ó Muraíle (1987: 83 n.36), agus é ag tarraingt ar nótaí Petrie (1830), ar a bhfuil athchló in O'Donovan (1856: xiv-v). Áitíonn Ó Muraíle (1987: 83 n.36) gur cóipeáladh Iml. 1-2, nó codanna díobh, don Chevalier O'Gorman in 1781, agus gur chríochnaigh Muiris Iml. 3-5 i mí an Mhárta 1778; síleann Sharpe (2016: 206) fosta gur scríobhadh an chéad dá imleabhar sa bhliain 1781. Is dócha go bhfuil ——— Brennan le haithint le Michael Brennan (*fl.*1794-7) ó Lios Gobáin, Co. Ros Comáin, nó b'fhéidir le Patt Brennan (*fl.*1797). Seo toirt lámhscríbhinní na sraithe sin, srl., de réir mar a tugadh sa chatalóg iad:

Iml.	Uimhir Phreasa.	Dátaí.	Toirt.	Lgh (+ lgh bhána).	Ríomhadh lch.
1.	ARÉ 23F2 (988).	76-946.	7¼ x 12.	312.	De réir lch, 1-175, 177-313.
2.	ARÉ 23F3 (989).	947-1171.	7¼ x 12.	324.	De réir lch, 314-[637].
3.	ARÉ 23F4 (990).	1171-1397.	8½ x 10¾.	668.	De réir duilleog, 1-334.
4.	ARÉ 23F5 (991).	1397-1556.	8¼ x 11.	646.	De réir duilleog, 1-322.
5.	ARÉ 23F6 (992).	1557-1610.	8¼ x 10¾.	630.	De réir duilleog, 1-315.

Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 2831, gur scríobhadh iontrálacha na bliana 1171 faoi dhó. Soláthraíonn nóta Uí Mhuraíle (1987: 83 n.36) réiteach na faidhbe: bhí ——— Brennan ag cóipeáil as lámhscríbhinn C [= ARÉ C.iii.3 (1220)], a stadann sa bhliain 1171; agus bhí Muiris ag baint úsáid as P [= ARÉ 23P6 (687) + ARÉ 23P7 (688)], a thosaíonn i lár na bliana 1170, ach is dócha gur fhág sé cuid na bliana sin ar lár toisc go bhfuil sí neamhiomlán, agus gur thosaigh sé leis an mbliain 1171. Tá an trasnaíl ann idir C agus P óir tagann C as sraith Uí Ghadhra, agus is lámhscríbhinn de chuid sraith Lobháin í P. Déantar plé níos iomláine ar an dóigh ar cuireadh na lámhscríbhinní seo le chéile faoi na blianta 1777-1783 sa chuntas seo.

anois;<sup>2917</sup> agus imleabhar eile (agus cóipeanna nua-aimseartha) a bhí faoi ghlas, geall leis, i gColáiste na Tríonóide, CT H.2.11 (1301),<sup>2918</sup> A.D. 1334 – A.D. 1605. Ní ábhar iontais gur bunaíodh a chóip de na hannála ar lámhscríbhinní Chathail Uí Chonchubhair agus William Burton Conyngham, agus ní gá ach an dá lámhscríbhinn sin a chur san áireamh sa chuntas seo ar chóipeanna Mhuiris.

Thosaigh Muiris a chóipeáil sleachta ar leith ón imleabhar de chuid *Annála na gCeithre Máistrí* a bhí ag William Burton Conyngham faoi stiúradh Chathail Uí Chonchubhair, sleachta lenar chuir Cathal Ó Conchubhair é féin críoch ar an 25 Meitheamh 1777.<sup>2919</sup> Thaispeáin Sharpe (2016) in alt a foilsíodh le déanaí go ndearna Muiris iarracht—faoi scáth na síntiús, is dóigh, a bhailítí go poiblí sna laethanta sin le costais leabhar clóite a chlúdach—briseadh a thógáil leis an leabhar a chóipeáil; ní dócha gur tháinig toradh ar bith as.<sup>2920</sup> Ba é an chéad chúram eile a fágadh ar Mhuiris an méid de *Annála na gCeithre Máistrí* a bhí i lámhscríbhinn Burton Conyngham, is é sin na hannála ó aimsir an Ghabháltais ar aghaidh, a ghráfadh don Chevalier O’Gorman. Socraíodh air go ndéanfaí an obair i mBéal Átha na gCarr. Chuir an Chevalier O’Gorman, agus é i mBaile Átha Cliath ar an 9 Meán Fómhair 1777, litir chuig Cathal Ó Conchubhair, á rá go raibh sé ar intinn aige dul ar ais go dtí an Fhrainc le casadh lena dheartháir. Sin, agus go raibh ‘our friend Maurice’ tar éis cur isteach air ar bhealach éigin,

I would defer writing to you till next post with M<sup>r</sup> Dillon’s rec<sup>d</sup> for a lodgement of some money for our friend Maurice, could I postpone an instant

---

<sup>2917</sup> Pléitear ARÉ 23P6 (687) + ARÉ 23P7 (688) in O’Sullivan (1999*a*), agus cuireadh eolas breise leis an méid atá ann in Sharpe (2016: 205-8). Léirigh O’Sullivan (1999*a*: 79) go bhfuair Cathal Ó Conchubhair an lámhscríbhinn ar iasacht le cuidiú Charles Vallancey, agus go raibh sí idir lámha aige ar an 16 Márta 1776.

<sup>2918</sup> Féach nóta 2948.

<sup>2919</sup> ARÉ A.v.3 (934), lch 360. Féach Sharpe (2016: 206).

<sup>2920</sup> Tá dréacht den fhógra a scríobh sé istigh le OB 1/2, agus cé nach bhfuil dáta léi, measann Sharpe (2016: 207) gur scríobhadh í nuair a bhí Muiris agus Cathal Ó Conchubhair ag láimhseáil na lámhscríbhinn, is é sin, idir 1776 agus 1778.

the vast thanks I owe you for the extraordinary marks of friendship and kindness you have always shewn me ...

Pray how does our friend Maurice do? I hope, for his own sake, he will give me more Content for the future than [he] has done at the moment of my departure from Belanagar. I am far from being pleased with his behaviour, after all I have done for him, and wish he may, by his future Conduct, erase from my memory the deep impression he has made on my heart against him.<sup>2921</sup>

Taispeánann an chéad litir eile, a scríobh an Chevalier an 11 Deireadh Fómhair 1777, go raibh Muiris tar éis tosú ar na hannála a chóipeáil dó faoin am sin, agus go raibh sé beartaithe acu go bhfanfadh sé i dteach Chathail Uí Chonchubhair i mBéal Átha na gCarr nó go mbeadh an obair déanta aige. Níor bheag an moladh a fuair Muiris ón Chevalier ar son a dhúthrachta an uair sin,

I am much pleased with the close application our friend Maurice gives to the work before him, I would wish, if possible, that Col. Burton's volume was finished against your coming to Dublin and that you may be able to return it to him this winter; however if not ready you may keep it till done ... I have paid Maurice's debts pursuant to the list he sent of them and have given M<sup>r</sup> Dillon four guineas more last Tuesday. ... Tho' you should come to town, Gorman may remain in the country till his work is finished.<sup>2922</sup>

Ós rud é go raibh an Chevalier O'Gorman tar éis a thoiliú cuid mhaith d'fhiacha Mhuiris a ghlanadh, b'fhéidir nach ábhar iontais é gur thuairimigh Mac Cathmhaoil (2013: 31) gur chuir sé Muiris go Béal Átha na gCarr lena choinneáil 'ar shiúl ó na tithe tábhairne'. Tá an chuma ar an scéal go raibh an Chevalier O'Gorman ag

---

<sup>2921</sup> ARÉ B.i.2 (1160), an Chevalier O'Gorman chuig Cathal Ó Conchubhair, an 9 Meán Fómhair 1777.

<sup>2922</sup> ARÉ B.i.2 (1160), an Chevalier O'Gorman chuig Cathal Ó Conchubhair, an 11 Deireadh Fómhair 1777. Ba é Cathal Ó Conchubhair a scríobh an dáta sin ar bharr na litreach. Tá cuid den sliocht sin i gcló in O'Sullivan (1999a: 80), agus cuid eile in Mac Cathmhaoil (2013: 31). Chuir an Chevalier O'Gorman litir ghairid eile ó Dover chuig Cathal Ó Conchubhair an 12 Samhain 1777, agus tugann sé le fios inti (cé go bhfuil an t-ábhar féin ar ceal anois) go ndeachaigh de fiacha Mhuiris a dhíol: 'I hope this shall find you in Dublin. I really forgott thro' the greatness of my Hurry to discharge the debts our friend Maurice incurred in that city, but Shall empower from Paris a friend in Dublin to discharge them', ARÉ B.i.2 (1160).

déanamh ullmhúchán le fillleadh ar an bhFrainc: d'fhág sé an eiseamláir luachmhar (nár leis í) ag Cathal Ó Conchubhair, fear uasal measúil a thabharfadh aire mhaith di; d'fhág sé ciste airgid ag an Mr [John] Dillon dá ndearnadh tagairt sa litir le go mbeifí in ann díol le Muiris as a chuid oibre; agus chuir sé Muiris go Béal Átha na gCarr le go mbeadh Cathal Ó Conchubhair in ann súil ghéar a choinneáil air. Ba é an socrú a rinneadh eatarthu, chomh fada agus is eol dúinn, go leanfadh Muiris air ag cóipeáil lámhscríbhinn Burton Conyngham, go dtosódh sé ar an imleabhar de *Annála na gCeithre Máistrí* a bhí ag Cathal Ó Conchubhair ansin, agus go scríobhfadh sé go nua *Annála Chonnacht*. D'imigh an Chevalier O'Gorman ón gcathair go gairid ina dhiaidh sin; bhí sé in Dover ar an 12 Samhain 1777<sup>2923</sup> nuair a scríobh sé litir eile chuig Cathal Ó Conchubhair, agus b'fhada an lá nó go mbeidís i dteagmháil lena chéile arís. Níor fhill an Chevalier O'Gorman ar Éirinn, go bhfios dom, go dtí an bhliain 1781.

Líonann an chóip a scríobh Muiris de lámhscríbhinn Burton Conyngham breis agus 900 leathanach,<sup>2924</sup> agus duilleoga bána fite tríothu mar áis don aistriitheoir, díreach mar a rinneadh le lámhscríbhinní an Dra Sullivan. Ba i mí an Mhárta 1778 a cuireadh an chóip de lámhscríbhinn Burton Conyngham i gcrích, agus cé nach léir cá fhad a d'fhan Muiris i mBéal Átha na gCarr ina dhiaidh sin go díreach, níorbh fhada nó gur thug sé a chúl ar an áit, gan na hannála eile a chóipeáil. Ní fios dom goidé a bhí ar

---

<sup>2923</sup> Féach nóta 2922.

<sup>2924</sup> Tugtar ARÉ 23F4 (990), ARÉ 23F5 (991), agus ARÉ 23F6 (992) ar na trí imleabhar de *Annála na gCeithre Máistrí* a chóipeáil Muiris as lámhscríbhinn Burton Conyngham. Is ábhar spéise go stadann lámhscríbhinn Mhuiris sa bhliain 1611, nuair a thugtar na hannála suas go dtí an bhliain 1616 san eiseamláir, ARÉ 23P6 (687) + ARÉ 23P7 (688). Ó tharla go raibh drochbhail ar an eiseamláir sa 19ú hAois, is féidir gurbh in an fáth, ar ábhar éigin, nár scríobhadh na cúig bliana deiridh. Ós rud é gur imigh Muiris go gasta ó theach Chathail Uí Chonchubhair tar éis dó na trí imleabhar sin a scríobh, is éasca tomhas a dhéanamh gur imigh sé sular scríobh sé na blianta deiridh, agus nárbh fhios do Chathal Ó Conchubhair gur fhág sé bearna ag deireadh an tsaothair. Féach an nóta atá istigh le ARÉ 23F7 (986), f. 241, i dtaobh na mbearnaí a bhí i gcóipeanna Choláiste na Tríonóide, áit a ndeirtear go stadann na hannála sa bhliain 1611. Is dóigh nárbh fhios do Chathal Ó Conchubhair agus don Chevalier O'Gorman riamh gur lean na Ceithre Máistrí orthu go dtí an bhliain 1616, agus bhí an eiseamláir féin ar iarraidh nuair a scríobhadh an nóta sin isteach in ARÉ 23F7 (986).

siúl aige don chuid eile den bhliain 1778, ná in 1779, ach bhí sé tar éis filleadh ar an árasán a bhí aige i dteach William Mekan i \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane] faoin am ar chuir sé fógra eile i gcló ar *Saunders's News-letter* ar an 9 Samhain 1780, agus ar an 11 Samhain 1780.<sup>2925</sup> Scríobh an Chevalier O’Gorman ó Bhaile Átha Cliath chuig Cathal Ó Conchubhair ar an 10 Eanáir 1781, ag cur in iúl dó nach raibh sé sásta leis an obair a bhí déanta ag Muiris go dtí sin,

I have the pleasure to acquaint my dear O’Conor of my arrival in this city two days ago. ... I have seen *Gorman* this morning. I find he has copied but the *first volume* of the *IV Masters*, which Colonel Burton told me you were pleased to return to him. I expected he would not only have copied the second, but also the *Annals of Connacht*, both your property. I shall await your answer to be better informed of Gorman’s fickle conduct, and of the recompence he deserves, before I shall extend any bounty to him. Yet I must keep him in countenance, until I have copies made of the two later works, which I request you will bring to town on your return hither, along with the *Book of Ballimote*, which I lent you, if not already at your lodgings in Pill-lane. If Gorman’s copy of the *first volume of the IV Masters* still remains in your hands, at Belanagare, you would confer the greatest obligation on all your nation abroad (on the Continent) and particularly on your humble servant, to translate on the reverse page, at your leisure hours, these annals into English. ... Gorman, though never so faithful a scribe, is a very bad translator, for obvious reasons.<sup>2926</sup>

B’fhéidir go léifí ar an méid sin, mar gheall ar theirce na litreacha idir 1777 agus 1781, go raibh an Chevalier O’Gorman ag trácht ar chóip eile ar fad de na hannála, ach ní théann sé le dea-chéill go gcuirfeadh sé an méid sin saothair amú ar chóip úr den ábhar a bhí Muiris tar éis a scríobh idir na blianta 1777 agus 1778. Is é an míniú a thugann O’Sullivan (1999a: 80) ar an ‘first volume’ agus an ‘second [volume]’ ar a dtráchtann an Chevalier O’Gorman, go raibh sé ag tagairt, i gcás an chéad imleabhair,

---

<sup>2925</sup> Féach *Saunders's News-letter*, an 9 Samhain 1780. Cuireadh athchló ar an bhfógra ar an bpáipéar céanna ar an 11 Samhain 1780. Is beag idir na fógraí seo, agus na cinn a cuireadh i gcló ar *Faulkner's Dublin Journal* sa bhliain 1766.

<sup>2926</sup> O’Conor (1826: x). Tá athchló ar chuid den litir seo in O’Donovan (1856: xv), Ua Muirgheasa (1912a: 81), O’Sullivan (1999a: 80), agus in Mac Cathmhaoil (2013: 31). Ag trácht ar chumas Mhuiris sa Bhéarla, deir Ua Muirgheasa (1912a: 81): ‘However, the translation of the “Welcome” [= ‘Fáilte don Tighearna Townsend’] ... is tolerably good English if done by O’Gorman himself’.

do lámhscríbhinn Burton Conyngham—“first,” meaning first to be copied’—rud a cuireadh i gcrích i mí an Mhárta 1778, ar ndóigh; agus gurbh é an dara himleabhar an ceann a bhí i leabharlann Chathail Uí Chonchubhair, ARÉ C.iii.3 (1220).

Cuireann tagairt eile sa litir a scríobhadh an 10 Eanáir 1781 an méid sin ó amhras, óir ceanglaítear an chéad imleabhar sin leis an gceann ‘which Colonel Burton told me you were pleased to return to him’, mar a thug O’Sullivan (1999a: 80) le fios. Bhí Muiris i mBaile Átha Cliath faoin am ar scríobhadh an litir sin, agus is dóigh gurbh é rud a tharla gur imigh an Chevalier O’Gorman leis go dtí an Fhrainc ag deireadh na bliana 1777, agus nach raibh sé ar a chumas scéala a fháil faoin méid a bhí déanta ag Muiris ón uair a d’imigh sé. Tugann an freagra a scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig an Chevalier O’Gorman an 17 Eanáir 1781 le fios gur thug Muiris a chúl ar Bhéal Átha na gCarr nuair a bhí lámhscríbhinn Burton Conyngham cóipeáilte aige, agus an sparán folamh. Áit a dtugann an Chevalier an chéad *volume* ar lámhscríbhinn Burton Conyngham, ba chruinne do Chathal Ó Conchubhair an teideal sin a bhaisteadh ar an imleabhar a bhí aige féin, ARÉ C.iii.3 (1220), an t-imleabhar a thugann an chuid is sine de na hannála atá sa saothar,

All the money you put into Mr. Dillon of Francis’s Street’s hands for me, I have disposed of religiously in supplying Gorman, who wantonly quitted my house for the drams of Dublin, and would not stay to copy a line of the first Vol. of the four Masters. It is true that he repented of his folly, but not in time.<sup>2927</sup>

Cuireadh Muiris ag obair arís cúpla mí ina dhiaidh sin, ach má maitheadh dó an neamhspleáchas aigne a ghlac é trí bliana roimhe sin, bhí Cathal Ó Conchubhair agus an Chevalier O’Gorman ag smaoiniamh an t-am ar fad ar scríobhaithe eile a fhostú ón uair sin amach. I litreacha a scríobh Cathal Ó Conchubhair an 14 Márta 1781 agus

---

<sup>2927</sup> LB Add. 21121, f. 3; i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 48, agus in Coogan Ward & Ward (1980: 158 col. b – 159 col. b). Deirtear áit eile sa litir go raibh Muiris Ó Gormáin ‘quite unfit’ mar aistritheoir.

an 6 Aibreán 1781,<sup>2928</sup> tagraíonn sé do ghasúr a bhí á oiliúint mar chléireach aige le cóipeanna a dhéanamh de na hannála, agus áitíonn sé i gceann de na litreacha go raibh an Chevalier O’Gorman tar éis díolaíocht éigin a thabhairt don ghasúr sin. Martan Ó hAodha a bhí air, agus bhí cónaí ar a mhuintir áit éigin gar do Bhéal Átha na gCarr, is dóigh. Sa deireadh thiar thall, níorbh é Muiris Ó Gormáin ná Martan Ó hAodha a scríobh amach ábhar ARÉ C.iii.3 (1220) don Chevalier O’Gorman, ach scríobhaí eile ar fad a fuair Cathal Ó Conchubhair, ceaptar, ——— Brennan. Níl a dhath ar bith ar eolas faoin duine seo—agus ní bheadh ainm an scríobhaí againn, fiú, murach Eoghan Ó Comhraí agus Seán Ó Donnabháin<sup>2929</sup>—ach gur chuir sé a chuid féin den obair i gcrích am éigin roimh an 10 Bealtaine 1781. Tugtar an dáta sin i nóta a chuir Cathal Ó Conchubhair leis an gcéad imleabhar dár scríobh ——— Brennan, ARÉ 23F2 (988). Má ceapadh ——— Brennan leis an obair a dhéanamh tar éis do Mhuiris imeacht, mhíneodh sé sin go maith an abairt deiridh sa litir thuas: ‘It is true that he repented of his folly, but not in time’.

Bhí Muiris ag plé le Cathal Ó Conchubhair agus leis an Chevalier O’Gorman arís roimh dheireadh na bliana 1781; tá istigh le páipéir an Chevalier dea-chóip de *approbationes* na n-annála, rud a réitigh Muiris ó chóip díobh ‘ó lámh Chathail Uí Chonchabhair Átha na gCárr’.<sup>2930</sup> Is cosúil gurbh é rud a tharla go ndearna Cathal Ó Conchubhair na *happrobationes* a bhí lena chóip de *Annála na gCeithre Máistrí* a athscríobh, agus gur chuir sé an chóip a scríobh sé chuig an Chevalier, mar aon le litir dar dáta an 28 Meitheamh 1781, rud atá ar coimeád go fóill. Tagraíonn Cathal Ó Conchubhair go speisialta do chumas Mhuiris sa Bhéarla sa litir sin,

<sup>2928</sup> Tugtar sleachta as na litreacha seo in Mac Cathmhaoil (2013: 73 n.42), agus tá siad i bprionta in Coogan Ward & Ward (1980: 161 col. b – 163 col. a).

<sup>2929</sup> Tugann Eoghan Ó Comhraí ‘Brennan’ ar an scríobhaí seo sa chatalóg a scríobh sé de lámhscríbhinní an Acadaimh; féach an *R.I.A. Cat.*, 2829. Maidir le Seán Ó Donnabháin, féach nóta 2940.

<sup>2930</sup> ARÉ 24D18 (1043), lgh 10, 12. Tugtar an colafon thuas i bpeannaireacht Mhuiris Uí Ghormáin é féin ar lch 10.

Above you have the testimonies of the Bishops ... to the authenticity of O'Clery's Collections, called The Annals of the Four Masters. I remit to you also a copy of the approbation of Flan MacEgan of the County of Tipperary and of Conor Mac Bruodin ... Their language though classical is plain, and Gorman, after translating their testimonies in his bad English, will enable yourself to dress them up in better. ... I shall ever claim the strongest sense of Sir Lucius O'Brien's great kindness to me. ...<sup>2931</sup>

Tar éis dó cúpla ceist a phlé le Cathal Ó Conchubhair, ceisteanna a freagraíodh i litir dar dáta an 4 Iúil 1781,<sup>2932</sup> chuir an Chevalier O'Gorman [? bunchóip Chathail Uí Chonchubhair de] na *happrobationes* chuig Lucius O'Brien an 12 Iúil 1781, ag coinneáil na cóipe díobh a scríobh Muiris. Míníonn sé fosta i litir chuig Lucius O'Brien go raibh scríobhaí eile uaidh a bheadh in inmhe dul go Oxford le cóipeanna a dhéanamh de na seanlámhscríbhinní meamraim ann,

I have the honour to transmit to you by M<sup>r</sup> Basil Lubey of Cappahard near Ennis, who setts out in a few days for that town, the four numbers that follow the two that I have given you on your departure for Clare. I have added to these, two numbers more containing the Certificates of approbation, and the translation of the Dedication and Advertisement prefixed to ... the four Masters. ...

If we had a proper Scribe, I would, on a peace, endeavour to conduct him to Oxford and take copies not only of this Manuscript, but also of such originals of our Annals as are there, ... but more particularly those of Innisfalan or the Munster Annals ...; unfortunately we have none but poor Gorman, who is now too old to undertake a task of the kind.<sup>2933</sup>

Má thugann an nóta sin eolas luachmhar dúinn i dtaobh na tuairime a bhí ag an Chevalier O'Gorman ar chumas Mhuiris mar scríobhaí, ní hí an fhírinne ghlan a

---

<sup>2931</sup> Litir a scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig an Chevalier O'Gorman ó Bhéal Átha na gCarr an 28 Meitheamh 1781; tá sí i gcló in Coogan Ward & Ward (1980: 166 col. b – 167 col. a), agus cuid di in Ward, Wrynn & Coogan Ward (1988: 407).

<sup>2932</sup> Féach an litir a scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig an Chevalier O'Gorman an 4 Iúil 1781. Tá sí i gcló in Coogan Ward & Ward (1980: 169 col. b), agus in Ward, Wrynn & Coogan Ward (1988: 408-10).

<sup>2933</sup> ARÉ 24D18 (1043), lgh 3, 6; litir ón Chevalier O'Gorman chuig Lucius O'Brien, an 12 Iúil 1781. Is i bpeannaireacht Pheadair Uí Chonaill atá an litir seo in ARÉ 24D18 (1043), agus an teideal seo léi: 'Copy of a letter from the Chevalier Ô Gorman to Sir Lucius Ô Brien, Baronet, dated at Dublin the 12<sup>th</sup> July 1781', lch 3. Tá an chuid den litir a thugtar thuas ar lch 6.



aithristear ann, óir tugann Cathal Ó Conchubhair le fios i litir a scríobh sé chuig an Chevalier O’Gorman an lá dár gcionn, an 13 Iúil 1781, go raibh aistritheoir ó Cho. an Chláir ceaptha acu faoin am sin: ‘I knew well that the late Doctor Ô Sullivan was unable to translate many parts ... of our ancient Annals. None but men learned in our old Classical Phraseology can undertake such a work ... Indeed, I expect but very little from your present County of Clare Translator’.<sup>2934</sup> Cuireadh Martan Ó hAodha ag obair ar an gcéad imleabhar de *Annála na gCeithre Máistrí* (A.D. 56 – A.D. 1171) a chóipeáil, ar ábhar éigin, sa bhliain 1782. Cuireadh críoch leis an obair sa bhliain sin, agus tugann nóta a chuir Cathal Ó Conchubhair leis an gcóip, LN G157, ag \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane], Baile Átha Cliath, ar an 27 Márta 1783, le fios gur baineadh ábhar LN G157 as ‘the originals’, is é sin, ARÉ C.iii.3 (1220), an babhta sin. Bhí post faighte ag Martan Ó hAodha mar fhreastalaí siopadóra i mBaile Átha Cliath faoi mhí na Bealtaine 1783, ‘as he could find none here’, a scríobh Cathal Ó Conchubhair, ‘to advance him thirty shillings for a copy of all our annals’.<sup>2935</sup> Mar a d’áitigh Mahony (1987: 35), léiríonn an tagairt a dhéanann Muiris dó féin mar ‘Professor of the Irish Language in Dublin’ sa bhliain 1782, an t-am ar ‘cheap’ sé dán molta ar George Nugent Grenville, go raibh sé fós ag teagasc i mBaile Átha Cliath scaití thart faoin mbliain sin. Bhí Edward O’Reilly (1765-1830), an té a fuair greim ar an gcuid is mó de lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin blianta ina dhiaidh sin, tar éis tosú ar chúrsaí Gaeilge a phlé le Cathal Ó Tucaoidh faoin 3 Iúil 1783.<sup>2936</sup> Diomaite de gurb eol dúinn go raibh Charles Vallancey fós ag díol 20 giní sa bhliain le Muiris in 1783, ní fios an ndearna Muiris aon obair chóipeála don Chevalier O’Gorman a fhad is a bhí Martan Ó hAodha ag obair dó sa bhliain 1782, ach bhí ar an Chevalier brath ar

<sup>2934</sup> ARÉ 24D18 (1043), lch 2; seanchóip a rinne Peadar Ó Conaill de litir ó Chathal Ó Conchubhair chuig an Chevalier O’Gorman, agus a scríobhadh ag Béal Átha na gCarr an 13 Iúil 1781. Tá an litir i bprionta in Coogan Ward & Ward (1980: 169 col. b – 171 col. a).

<sup>2935</sup> Tugtar cuid mhaith tagairtí do Mhartan Ó hAodha in Mac Cathmhaoil (2013: 74 n.43).

<sup>2936</sup> Féach LB Eg. 135, f. 46.

Mhuiris arís sul i bhfad. Tar éis dó scríobhaí úr ó Cho. an Chláir a fhostú, Peadar Ó Conaill (*ob.*1826)—scoláire measartha óg a bhí ag foghlaim a cheirde an uair sin— mhol Cathal Ó Conchubhair dó fáil réidh leis, agus cloí le Muiris,

Your clerk Connell should be taken care of, for he is very defective in orthography, as I found by some of his writings which he showed me. He appears to be a conceited and ignorant young man, poor Gorman is greatly superior to him.<sup>2937</sup>

Chaith Muiris cuid den bhliain 1783 ag cóipeáil *Annála Chonnacht*,<sup>2938</sup> agus *Annála Inis Faithleann* don Chevalier O’Gorman; ní mór an meas a bhí ag Standish Hayes O’Grady ar chaighdeán na hoibre.<sup>2939</sup> LB Eg. 98 atá ar chóip Mhuiris de *Annála Inis Faithleann* faoi láthair, agus tá inti, taobh leis an ábhar Gaeilge, aistriúchán Béarla ar na hannála a scríobh scoláire nua a bhí ceaptha ag an Chevalier, Tadhg Ó Flannagáin, nó Theophilus O’Flanagan (*c.*1760-1814), scríobhaí eile ó Cho. an Chláir.<sup>2940</sup> An

---

<sup>2937</sup> Deir Mac Cathmhaoil (2013: 33) gur sa bhliain 1787 a scríobhadh an litir sin.

Is i lámh Pheadair Uí Chonaill atá an chóip den litir atá againn—dhealródh sé gur cheap sé gurbh úsáideach an ní é leagan di a choinneáil. Níl dáta léi, ach amháin go bhfuil cúpla fógra báis, a bhaineann le baill de mhuintir Chonaill a d’éag sa bhliain 1783, ar an taobh chéanna den duilleog ar ar scríobhadh an chóip sin den litir. Fágann sin gur scríobhadh an chóip am éigin ina dhiaidh sin, ach ní insíonn sin aon dada dúinn. Shroich Peadar Ó Conaill Baile Átha Cliath sna 1780í.

<sup>2938</sup> ARÉ 23F7 (986) agus ARÉ 23F8 (987) atá ar chóip Mhuiris de *Annála Chonnacht*, agus baineadh í as ARÉ C.iii.1 (1219). Tá an dáta ar an leathanach teidil (f. 1) sa chéad imleabhar amháin, agus tá sé i bpeannaireacht Mhuiris Uí Ghormáin, dar le Kathleen Mulchrone, *R.I.A. Cat.*, 2828: ‘The Annals of Conaght. Transcribed from the original in the possession of Charles Ó Conor of Belanagare Esqre. of the House of Ó Conor Dun at the expence of the Chevalier Thos. Ó Gorman of Tonnerre in the Kingdom of France. Anno Domini 1783’.

<sup>2939</sup> LB Eg. 98; féach an *B.M. Cat.*, i, 15. Scríobh Peadar Ó Conaill nóta ar an gcóip de *Ard aigneadh Ghuill* atá i lámh Mhuiris in ARÉ 23C30 (*a*) (783), á rá go bhfuil sí ‘corrupted’, ARÉ 23C30 (*a*) (783), lch 8.

<sup>2940</sup> Is ar aghaidheanna na leathanach amháin in LB Eg. 98 a thugtar aistriúchán Thaidhg Uí Fhlannagáin ar *Annála Inis Faithleann*, sa dóigh go bhfuil sé os comhair an bhuntéacs. Scríobh Muiris an téacs Gaeilge amach suas go dtí an bhliain 1064, agus tá dréachtaí agus tuilleadh de shaothar Thaidhg Uí Fhlannagáin in LB Eg. 99. Féach ARÉ 23F9 (1194), áit a bhfuil cóip eile de na hannála i bpeannaireacht ——— Brannan, de réir Sheáin Uí Dhonnabháin, a scrúdaigh an leabhar in 1841, agus a bhí ina shaineolaí ar nithe den sórt sin. Níl dáta le ARÉ 23F9 (1194), ach thuigfí ón mbreacadáil atá uirthi gur scríobhadh í roimh 1817. Istigh leis an lámhscríbhinn, tá litir nach mbaineann léi ó cheart, ach a chruthaíonn dúinn gurbh é Tadhg Ó Flannagáin a scríobh an t-aistriúchán sin atá in LB Eg. 98 agus LB Eg. 99. Litir iarratais atá inti, rud a scríobh Theophilus O’Flanagan, 16 Green Street, [Baile Átha Cliath], chuig Thomas Wright, M.D., M.R.I.A., Ship Street, [Baile Átha Cliath], an 15 Eanáir 1803—an litir inar thairg sé dó na hannála uilig a aistriú go Béarla ón gcóip díobh a bhí ar coimeád i gColáiste na Tríonóide, CT H.1.7 (1281). Is é rud a deirtear sa litir go raibh sé tar éis a leithéid d’aistriúchán a chur le chéile tuairim is 19 mbliana roimhe sin, agus go raibh an t-aistriúchán sin i seilbh an Chevalier O’Gorman, *R.I.A. Cat.*, 3236. Bhí CT H.1.7 (1281) ina foinse do LB Eg. 98 agus LB Eg. 99.

chóip de *Annála Chonnacht* a scríobh Muiris as seanlámhscríbhinn Chathail Uí Chonchubhair, tugtar an dáta 1783 ar an leathanach teidil, ach is féidir go raibh Muiris fós ag obair uirthi i dtús na bliana 1784. Ar an 8 Deireadh Fómhair 1783, scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig an Chevalier O’Gorman, agus thuigfi ó chaint na litreach gur féidir go raibh tuairim aige féin gurbh é Martan Ó hAodha a bheadh ag déanamh na hoibre cóipeála,

It pains me that your little servant should be at this time unemployed, and I wish you may discover some tract fit to be copied till you receive my book. I am assured now of a very safe conveyance by one of my own people.<sup>2941</sup>

Sa chéad litir eile a scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig an Chevalier O’Gorman an 8 Samhain 1783, tugtar le fios go raibh an tseanchóip de *Annála Chonnacht* i mBaile Átha Cliath faoin am sin,

At last I found a messenger that could be trusted with conveying the Conaght Annals safe into your hands.<sup>2942</sup>

Bhí Muiris fós ag obair ar na hannála sin ar an 27 Feabhra 1784, agus bhí socrú éigin déanta ag an Chevalier O’Gorman le Martan Ó hAodha, a bhí ag obair ar ‘the Munster annals’.<sup>2943</sup> Faoin 14 Aibreán 1784, bhí Cathal Ó Conchubhair ag lorg teachtaire nó duine eile a thabharfadh an tseanchóip ar ais leis go Co. Ros Comáin: bhí obair Mhuiris críochnaithe faoin am sin, nó geall leis.<sup>2944</sup> Ba ar Thadhg Ó Flannagáin go príomha a fágadh an cúram na hannála a thiontú go Béarla. Is dóigh gur ghéill Muiris é féin dá fheabhas a bhí Tadhg Ó Flannagáin mar aistritheoir, i gcomórtas lena chuid iarrachtaí féin, cibé rud é; scríobh Tadhg, i mí Aibreáin 1784,

<sup>2941</sup> Coogan Ward & Ward (1980: 198 col. a).

<sup>2942</sup> Coogan Ward & Ward (1980: 198 col. b).

<sup>2943</sup> Ní raibh faill agam an litir a léamh, ach nóta a scríobh Coogan Ward & Ward (1980: 203 col. a n.1) fúithi. Níl an nóta iontach sothuigthe.

<sup>2944</sup> Féach Coogan Ward & Ward (1980: 204 col. b – 205 col. b).

tiontú Béarla ar dhán le Toirdhealbhadh Ó Briain ‘air agalamh an tsaol-eolaigh ghle-ionmhuin Muiris Mac Gormain’,<sup>2945</sup>

Bhí cuid mhaith scoláirí óga tar éis teacht go Baile Átha Cliath le blianta beaga anuas, agus tá sliocht na seanaoise le feiceáil ar chuid peannaireachta Mhuiris faoin mbliain 1783. Cuireadh Tadhg Ó Flannagáin agus Peadar Ó Conaill ag obair ar shleachta a bhaint as na hannála, agus ar aistriúcháin a chur ar fáil; níorbh fhada nó gur ghlac siad áit Mhuiris mar rogha scríobhaí na bpátrún i mBaile Átha Cliath. Ar an taobh eile den scéal, bheadh sé róshimplí a áiteamh go bhfuair an Chevalier O’Gorman réidh le Muiris chomh gasta agus a fuair sé cúpla scríobhaí eile, óir taispeánann na cnuasaigh mhóra sleachta a scríobh Muiris Ó Gormáin, Peadar Ó Conaill, ——— Brennan, agus Tadhg Ó Flannagáin don Chevalier O’Gorman,<sup>2946</sup> agus iad ag obair i bpáirt lena chéile, b’fhéidir, gur chaith siad uilig na blianta fada ag obair dó. Is é an donas nach bhfuil dátaí ach le fíorbheagán de na bloghanna éagsúla a scríobh siad, sa dóigh nach éasca plé fiúntach a dhéanamh orthu go fóill. Tá, mar shampla, cuid mhaith giotaí agus sleachta as *Annála na gCeithre Máistrí* i lámh Mhuiris i bpáipéir an Chevalier O’Gorman, de bhreis ar chuid mhaith nótaí i gcnuasaigh phearsanta Mhuiris, ach níl dáta lena bhformhór. Cuid de na sleachta a scríobh Muiris, tá an chuma orthu gur liostaí ceisteanna iad a chuir sé chuig a phátrún nó duine eile a bhí bainteach leis an obair. Tá na liostaí sin istigh le cnuasaigh dhifriúla, ach is fiú cúpla sampla a thabhairt as a bhfuil in MN C112,

---

<sup>2945</sup> ARÉ 23D16 (506), lch 53. Tá an leathanach seo i bpeannaireacht Thaidhg Uí Fhlannagáin, is dóigh liom, agus deirtear sa teideal go raibh an dán ‘iarna chur a mBéarla re Diaghrádhach hUa Flannagáin air agalamh an tsaol-eoluigh ghle-ionmhuin Muiris Mac Gormain a mí Obrain A:T: 1784’. Aistriúchán neamhghnách ar *Theophilus* atá san ainm ‘Diaghrádhach’, an leagan Béarla dá ainm a d’úsáideadh Tadhg Ó Flannagáin é féin.

<sup>2946</sup> Féach ARÉ 23F11 (758), ARÉ 23F15 (759), ARÉ 23F9 (1194), agus ARÉ 23F12 (1196), mar shampla. Ba é Muiris Ó Gormáin a scríobh cuid mhaith den ábhar atá sna leabhair seo, agus tá Peadar Ó Conaill tar éis ceartúcháin a chur lena chuid oibre.

Preface. Rochus Kil.

746 [A.D.] S. Comáin naomh Rossa, Comáin an addition by a different handwriting.

March 15. Brought home 15 sheets.

Erchra grene, I believe an eclipse.

N.B. 490. Dearmad the translated w<sup>ch</sup> is in page 476.

N.B. 624. Cath Arda Corainn, which is right and erroneous ...

622. Which was dermad, y<sup>r</sup> writing.

761. Vide you entred what was wrote by a diff<sup>t</sup> han[d] ... whether shall I leave out or write such annals as I know to be wrote before or after.

What I new was a mistake I left out & you have entred it again, perhaps M<sup>t</sup> O'Brien may think it's a mistake not in the preced<sup>t</sup> but by me, so many *dearmads*.

N.B. To put an Index.

[c.950 A.D.] Whether I shall draw the black lines as in the presid<sup>t</sup>. I don't know the reason of these black lines which you have drawn for they were not in my presid<sup>t</sup>.

I was promised to get access or to see all the Irish books of Esq<sup>r</sup> Brownlow, deceased. I was promised a guinea; I was for about a fortnight or 3 weeks reading the 4 Masters to find out as much as possible and rec<sup>d</sup> it not the promised but an old coat and wrote sev<sup>ll</sup> things besides. To know if the ink does; I believe there is too much Gauls.<sup>2947</sup>

Ba é ceann de na táscanna eile a tugadh do Mhuiris, is dócha, iontrálacha na mblianta 1172 go 1335 in *Annála na gCeithre Máistrí* a chóipeáil leis an mbearna i lámhscríbhinní Choláiste na Trionóide a líonadh, nó tá an méid sin le tuiscint as nóta a scríobhadh isteach sa chóip de *Annála Chonnacht* a bhí á scríobh ag Muiris sa bhliain 1783. Deirtear ann gur fágadh faoi Mhuiris an méid de na hannála a bhí in easnamh a scríobh as an gcóip úd a d'ullmhaigh sé ó lámhscríbhinn Burton

---

<sup>2947</sup> MN C112, ff. 52, 54v, 55, 55v. Taispeánann an chéad tagairt do 'Preface. Rochus Kil', agus cuid de na tagairtí eile go raibh *Annála na gCeithre Máistrí* i gceist go príomha ag Muiris.

Conyngham idir na blianta 1777 agus 1778.<sup>2948</sup> Ós rud é go bhfuil an nóta i dtaobh na cóipe seo istigh le lámhscríbhinn a scríobhadh sa bhliain 1783, is cosúil go rabhthas ag smaoineamh ar an obair seo a dhéanamh thart faoin am sin,

Chev<sup>r</sup>. O’Gorman’s copy of the Four Masters was taken from the originals in the year 1778, under the inspection and care of Charles O’Conor Esq., and is perfect from the beginning to the year 1611 inclusively with which the Annals end ... The first volume of the originals was the property of M<sup>r</sup>. O’Conor and the second that of the Right Hon. Col. W<sup>m</sup>. Burton Conyngham who lent it to Chev<sup>r</sup>. O’Gorman, by whom it was duly returned to the Col. but has been since mislaid by the Col.

Chev<sup>r</sup>. O Gorman will lend his copy to the College for the purpose of getting theirs completed, from year 1172 to the year 1335 forming a deficiency of 163 years very interesting to our history and from 1604 to the year 1611 with which the Annals end. They may be copied by old Gorman in the Librarian’s study at the expence of 1<sup>s</sup>. per sheet which may amount to 3 guineas in the whole; the sooner they are copied the better as M<sup>r</sup>. O Gorman intends to return soon to France’.<sup>2949</sup>

Ní fios an ndearna Muiris sin, ach má rinne, níl toradh na hoibre i gColáiste na Tríonóide anois, dealraíonn sé. Thuairimigh Ní Mhunghaile (2009a: 230) gurbh é Muiris a bhí i gceist sa litir a chuir Cathal Ó Conchubhair chuig an Chevalier

---

<sup>2948</sup> Is é sin na trí imleabhar, ARÉ 23F4 (990), ARÉ 23F5 (991), agus ARÉ 23F6 (992), a scríobh Muiris idir na blianta 1777 agus 1778.

Bhí an méid seo de *Annála na gCeithre Máistrí* i gColáiste na Tríonóide faoi dheireadh na bliana 1766,

(1) CT H.1.3-5 (1279), A.M. 2242 – A.D. 1171. Cuid de chnuasach leabhar an Dra Francis Stoughton Sullivan. Dáta faighte: 1766. Eiseamláir: ARÉ C.iii.3 (1220), a bhfuarthas tamall di ó Chathal Ó Conchubhair go gairid roimh an 1 Samhain 1763. Scríobhaí agus dáta: Muiris Ó Gormáin, am éigin idir na blianta 1763 agus 1 Márta 1766. Tagairtí: *T.C.D. Cat.*, 13; O’Sullivan (1976: 237-8, 245); Ó Muraíle (1987: 83 n.36).

(2) CT H.2.9-10 (1300), A.M. 2242 – A.D. 1171. Cnuasach leabhar an Dra Seán Ó Fearghusa, mír 2427. Dáta faighte: 1766. Eiseamláir: ARÉ C.iii.3 (1220), a bhí i gcnuasach Chathail Uí Chonchubhair an uair sin. Scríobhaí agus dáta: Aodh Ó Maoil Mhuaidh, 1734-5. Tagairtí: *T.C.D. Cat.*, xii, 82; O’Sullivan (1976: 235, 247); Ó Muraíle (1987: 83 n.36, 89-90).

(3) CT H.2.11 (1301), A.D. 1334 – A.D. 1605. Cnuasach leabhar an Dra Seán Ó Fearghusa, mír 2427. Dáta faighte: 1766. Scríobhaí agus dáta: autograf. Tagairtí: *T.C.D. Cat.*, xii, 82-3; agus a bhfuil faoi (2).

Is spéisiúil an nóta atá in ARÉ 23F7 (986), f. 241, a chur i gcomórtas leis an dóigh a ndéantar plé ar na leabhair seo i gcatalóg Young (1781); féach O’Sullivan (1976: 245, 247).

<sup>2949</sup> Tá an nóta sin ag deireadh (f. 241) an chéad imleabhair den chóip de *Annála Chonnacht* a scríobh Muiris Ó Gormáin sa bhliain 1783, ARÉ 23F7 (986). As an *R.I.A. Cat.*, 2828, a tógadh an chóip seo.

O’Gorman an 27 Nollaig 1784, agus é ag gearán faoin ‘treatment you got from a puppy whom you raised from the hunger and the dirt ... he has added to the blackness of his own ingratitude malice and treachery’,<sup>2950</sup> ach tá ábhar maith ag Mac Cathmhaoil (2013: 32-3) a rá nach luífeadh sé le céill go dtabharfaí *puppy* ar fhear a bhí tar éis na ceithre scór, nó geall leis, a shárú, agus tuairimíonn sé gurbh é Martan Ó hAodha a bhí i gceist aige; tá cruth na fírinne air sin. D’fhostaigh Coiste Seandachtaí Acadamh Ríoga na hÉireann Muiris ar an 4 Iúil 1785 mar ‘Transcriber & translator to said committee’, agus cinneadh air go bhfaigheadh Muiris ‘the annual sum of twelve guineas ... as compensation for his trouble’ (Mac Cathmhaoil 2013: 33). Cé gur dóigh le Mac Cathmhaoil (2013: 33) gur chineál de ghníomh trua a bhí ann, díreach le Muiris a choinneáil beo agus ag obair, níorbh fhada nó gur ceapadh duine eile leis an obair chéanna a dhéanamh; luaitear i miontuairiscí an 30 Nollaig 1786 go raibh Tadhg Ó Flannagáin le tabhairt faoi chóipeáil na lámhscríbhinní faoi stiúradh Charles Vallancey (Mac Cathmhaoil 2013: 34). Is dóigh gur tugadh an bóthar do Mhuiris ar ábhar amháin nó eile, ach tá méid substaintiúil cóipeanna de théacsanna dlí agus eile a rinne Muiris ar coimeád san Acadamh Ríoga, agus is dóigh gur le linn na mblianta sin a scríobhadh lear mór acu.

Lean Muiris air ag cóipeáil giotaí beaga isteach sna blianta deiridh dá shaol, agus is í an lámhscríbhinn is déanaí dá chuid atá ar fáil inniu ARÉ 24A4 (232), cóip de ‘Oidhe Chloinne Lir’ a scríobhadh sa bhliain 1786. B’fhéidir gurbh fhéarr a rá gurb í seo an lámhscríbhinn *indátaithe* is déanaí de chuid Mhuiris atá againn, agus is ábhar spéise gur shínigh sé í faoin leagan dá ainm a d’úsáideadh sé in aois a óige: ‘Muiris Mac Gorman’. Le linn do Charlotte Brooke a bheith ag ullmhú eagráin den dán ‘Tighearna Mhaighe Eo’ lena chur i gcló i gnuasach Joseph Cooper Walker,

---

<sup>2950</sup> Coogan Ward & Ward (1980: 220 col. b – 221 col. a); tá giota as an litir in Mac Cathmhaoil (2013: 32).

*Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786), chuir sí dréacht den amhrán chuig Cathal Ó Conchubhair, a bhí mór le Walker—agus lena hathair féin lá den saol—lena thuairim a fháil ar a cuid oibre. Taispeánann na tagairtí a dhéantar d’obair Charlotte Brooke i litreacha Chathail Uí Chonchubhair agus Joseph Cooper Walker go raibh sí ag scríobh aistriúchán thart faoi dheireadh na bliana 1785.<sup>2951</sup> Na nótaí (gan dáta) a chuir Cathal Ó Conchubhair chuici, tá sé le léamh orthu go raibh sí tar éis cóipeanna den amhrán a fháil ó Mhuiris Ó Gormáin lena heagrán a réiteach; agus moladh di cóipeanna eile a fháil uaidh. Ar an ábhar go raibh Charlotte Brooke in ann an Ghaeilge a scríobh go cumasach, agus go raibh iarrachtaí déanta aici cnuasaigh filíochta a bhailiú ón mbéaloideas (Ó Mórdha 1986: 329), tugann sé seo leid eile dúinn go raibh meas ar chnuasaigh lámhscríbhinní Mhuiris ag an am sin, má chuaigh sí chomh fada leis le téacsanna Gaeilge a fháil. Chomhairligh Cathal Ó Conchubhair di,

<sup>2951</sup> Chuir Cathal Ó Conchubhair an litir seo chuig Joseph Cooper Walker ar an 14 Deireadh Fómhair 1785, nuair a bhí sé ag réiteach *Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786),

I request you will present my respects, I should say my warm affection, to the lady who paraphrased Carolan’s “Monody” on his beloved Mary. She has improved on her original greatly; she has caught and adorned the poor blind man’s feelings; and indeed she impressed myself with feelings which I had not before on the subject. Again I repeat the request you will present her with my affection, nay with my commands that she will not omit cultivating the talent that nature endowed her with most bountifully. You inquire about Grace Nugent ... (Ward, Wrynn & Ward Coogan 1988: 454-5).

Tagraíonn Cathal Ó Conchubhair áit eile sa litir seo don amhrán a ceapadh ar Miss Cruise, agus i litir a scríobh sé chuig Walker ar an 20 Samhain 1785, tá an méid seo le rá aige faoin aistriúchán a rinne Charlotte Brooke—ainmnítear í an uair seo—ar ‘Plangstaidh Stafford’,

Her ode on Carolan’s Stafford is elegant, but too paraphractical. I would therefore wish that Stafford came out in your own version.

Féach Ward, Wrynn & Coogan Ward (1988: 456-7). Is leor an méid sin le taispeáint gurb iad sin cuid de na haistriúcháin a réitigh Charlotte Brooke do shaothar Walker, *Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786). D’aistrigh sí an t-amhrán ‘Tighearna Mhaighe Eo’ don leabhar sin, agus tá ar coimeád i measc páipéar eile a bhaineann leis na *Reliques of Irish Poetry* (1789) in ARÉ 23H39 (985), nótaí a scríobh Cathal Ó Conchubhair ar chóip den amhrán sin a bhí Charlotte Brooke tar éis a chur chuige. Níl dáta leis na nótaí, ach is cosúil go mbaineann siad le deireadh na bliana 1785 nó le 1786; agus taispeánann siad go raibh Muiris Ó Gormáin ag cuidiú léi thart faoin am sin.

Déantar dhá thagairt do chóipeanna a bhí Muiris tar éis a chur chuici de ‘Tighearna Mhaighe Eo’,

(1) ‘This is variously spoken but that in Gorman’s copy is the most harsh ...’, ARÉ 23H39 (985), lch 17;

(2) ‘That in Gorman’s Copy is ... [*líne as amhrán arna tiontú go Béarla*]’, lch 19.

Ag deireadh na litreach, scríobh Cathal Ó Conchubhair,

(3) ‘You should endeavour to get better Copies of them from old Gorman; or at least different ones, for so we might be able to Come at the true reading. Gracey Nugent seems to be quite pure & the Language is exceeding good’, lch 20.



You should endeavour to get better Copies of them from old Gorman; or at least different ones, for so we might be able to Come at the true reading. Gracey Nugent seems to be quite pure & the Language is exceeding good.<sup>2952</sup>

Tagraíonn sé dhá áit eile do ‘Gorman’s copy’,<sup>2953</sup> agus tugann an méid sin le fios gur chuir Charlotte Brooke aithne ar Mhuiris Ó Gormáin am éigin sular cuireadh *Historical Memoirs of the Irish Bards* i gcló sa bhliain 1786. Chuidigh sé léi ar an dóigh chéanna i dtreo dheireadh na bliana 1788, agus í ag scríobh *Reliques of Irish Poetry* (1789).

Thosaigh Henrí Mac an tSaoir (*q.v.*), cléireach bainc a chuir spéis i litríocht na Gaeilge, ag tarraingt ar lámhscríbhinní Mhuiris thart ar an am seo, agus ba eisean a thug tacaíocht do Mhuiris nuair a thosaigh an saol ag teannadh air, deirtear.

Taispeánann na sínithe agus nótaí sealbhóra a d’fhág sé ar chuid de lámhscríbhinní Mhuiris idir 1788 agus 1791 go raibh sé ag ceannach leabhar uaidh. Tá tionchar lámhscríbhinní Mhuiris le brath go mór ar na chéad chnuasaigh a scríobh Henrí; féach gur bunaíodh an dá chnuasach bhreátha fhada ghairmiúla sin, *Tiomsughadh do Starthaibh, do Laoídheadh*,<sup>7</sup> *do Cheólta* agus *Bolg an tSolair a nDán agus a bPrós*, a scríobh Henrí idir 1787 agus 1788, go hiomlán ar lámhscríbhinní Mhuiris, nó geall leis. Deirtear go rialta gurb eisean an Mac Entaggert—an té a luadh i nóta Shéamuis Uí Ardagáin in LB Eg. 129—a fuair an chuid is mó de na leabhair a bhí i gcnuasach Mhuiris nuair a fuair sé bás. Níl mé sásta gurb ionann, agus bhí duine eile, Seán Tancart (John Tankard) ó 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane]—an teach ina raibh cónaí ar Mhuiris sa bhliain 1780—ag bailiú leabhair Ghaeilge thart faoin am sin fosta.

---

<sup>2952</sup> ARÉ 23H39 (985), lch 20. Féach nóta 2951.

<sup>2953</sup> Féach nóta 2951.

Chaith Charlotte Brooke cuid mhaith den bhliain 1788 ag réiteach *Reliques of Irish Poetry* (1789) don chló, agus i measc na ndaoine a chuidigh léi téacsanna a fháil, bhí Sylvester O'Halloran, Charles Vallancey, Joseph Cooper Walker, agus Muiris Ó Gormáin. Is cosúil gur dóigh le Charlotte Brooke í féin go raibh togha na lámhscríbhinní ag Muiris, agus tagraíonn sí dó faoi thrí sa saothar clóite. Tugann na nótaí gairide sin giota beag eolais dúinn i dtaobh na mblianta deiridh de shaol Mhuiris. An chéad tagairt a dhéanann Brooke (1789: 71) do Mhuiris Ó Gormáin sa leabhar, is é sin an ceann is tábhachtaí ó thaobh na hoibre seo againne: tráchtann sí ar chóip de 'The Chase' [= 'Laoi na Sealga'] a fuair sí ó Mhuiris. Tar éis di a thabhairt le fios gur spreag *Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786) a spéis sa laoi áirithe sin, tugann sí sliocht fada as litir a chuir Joseph Cooper Walker chuici. Tá an sliocht gan dáta, ach déantar trácht ar litir eile a chuir cara le Joseph Cooper Walker chuige, cara a thug cuairt ar Shliabh gCuillinn i mí Iúil 1788. Tugann Brooke (1789: 71) an nóta seo i ndiaidh na litreach,

Mr. Walker, after this description of the mountain by his friend, adds his regret that he was not possessed of a complete copy of The Chase; but I afterwards procured one from Maurice Gorman, of this city (a professor of the Irish language), and from that copy I have made my translation.<sup>2954</sup>

Tugann sé sin le fios dúinn go raibh Muiris ina bheatha i mí Iúil 1788, ar a luaithe, agus nár chuala Charlotte Brooke scéala a bháis idir an uair sin agus an tráth ar foilsíodh na *Reliques of Irish Poetry* an bhliain dár gcionn. Tagraítear áiteacha eile

---

<sup>2954</sup> Brooke (1789: 71). Tá an chuid is mó de na sleachta seo i gcló iodálach sa bhunsaothar, ach ní bhacaim leis an gcló sin a úsáid anseo, ná sna sleachta eile a thugaim as an leabhar sin i nóta 2955.

do chóipeanna de ‘Laoi an Mhaighre Bhoirb’ agus de dhá laoi fiannaíochta eile a fuair Charlotte Brooke ó Mhuiris.<sup>2955</sup>

Ó tharla gur dhíol Henri Mac an tSaoir a chnuasach, nó an chuid is mó de, le Edward O’Reilly<sup>2956</sup>—nuair a bhí sé ag smaoineamh ar dhul ar imirce tuairim na bliana 1794<sup>2957</sup>—glactar le c.1794, de ghnáth, mar thomhas ar dháta báis Mhuiris. Is iomaí uair a foilsíodh scéal a bháis, mar atá sé ag Séamus Ó hArdagáin—gur cailleadh é ‘in the greatest poverty in a ground-cellar in Mary’s Lane, Dublin, about 1794’,<sup>2958</sup> ach tá Sharpe (2016: 204 n.18) tar éis amhras a chaitheamh ar an gcuntas cáiliúil seo, nó ar dháta a bháis, cibé rud é. Ós rud é go gcaithfidh sé gur chuala Séamus Ó hArdagáin an scéal seo ó ‘Mac Entaggart’ cuid mhaith blianta ina dhiaidh sin, fágann sé sin nach féidir a bheith siúrálte go bhfuil an dáta iontaofa. Ní féidir a áiteamh ach gur éag Muiris am éigin idir 1788 agus c.1794, agus i dtreo thús na tréimhse sin, is dócha. Thig linn a rá, cibé rud é, go raibh cuid de lámhscríbhinní Mhuiris i seilbh Sheáin Tancart (John Tankard)<sup>2959</sup> chomh luath leis an mbliain 1796.

Is doiligh fairsinge agus méid an ábhair a d’fhág Muiris againn a mheas anseo, ach b’fhiú aird a thabhairt ar ghné amháin eile den duine féin. Diomaite de gur de bharr na gcóipeanna de *Annála na gCeithre Máistrí*, srl., a rinne sé don Chevalier

O’Gorman is mó a chuimhnítear ar Mhuiris Ó Gormáin, d’fhág sé mórán de litríocht

---

<sup>2955</sup> Sa phlé nó ‘Advertisement’ a thugann Brooke (1789: [119]) ar ‘Laoi an Mhaighre Bhoirb’, deir sí gurbh ó Mhuiris Ó Gormáin a fuair sí an eiseamláir a d’úsáid sí,

THE original of this poem is in the hands of Maurice Gorman: there is also another copy in Mr. Walker’s collection, but not altogether so perfect as the one from which this translation has been made. Neither of these copies are dated, nor can we discover the author. ...

Agus na ‘War Odes’ faoi phlé aici, tráchtann Brooke (1789: 141) ar Mhuiris arís,

The copies from which the two following Odes are translated, I procured from Maurice Gorman; there is also a copy of them in the collection of Mr. O’Halloran of Limerick, and another, as I am informed, in the College collection. ...

Is iad ‘Rosg Osgair mhic Oisín re hUcht Chatha Gabhra’ agus ‘Rosg Ghoill mhic Morna’ an dá rosc sin.

<sup>2956</sup> Féach Aguisín 16.

<sup>2957</sup> Tugtar an dáta sin in Warburton, Whitelaw & Walsh (1818: 934n.).

<sup>2958</sup> Féach Aguisín 16.

<sup>2959</sup> Féach Aguisín 16, áit a bhfuil nótaí air.

a linne féin againn, agus bhí spéis ar leith aige, aisteach go leor, i mbúrdúin agus i ndánfhocail na Gaeilge. Nuair a bhí sé i dteann a réime i mBaile Átha Cliath sna 1760í agus sna 1770í, ‘the fashionable scribe of the day’, de réir William O’Sullivan, lean sé air ag cóipeáil litríocht a cheantair dhúchais, ar beag suim a bhí á cur inti an uair sin. Ná ní dóigh go ndearna an obair a bhí ar siúl aige saothrín de. Cé nár leasc leis ‘ollamh’ nó ‘the last of the bards’ a thabhairt air féin le pátrúin a mhealladh chuige, agus cé nach labhraíonn sé faoin teanga bheo ach chomh beag, is soiléir ó na hábhair theagaisc a réitigh sé go raibh spéis aige i múineadh na Gaeilge, agus is féidir go raibh fonn air í a scaipeadh. Is minic a bhíonn dán nó dhó de chuid Oiriaila sna bunleabhair bheaga a chóipeáladh sé—mar ghéarú goile don fhoghlaimeoir, is dóigh—*B’fhearr liom gearrán Bhriain Uí Bheirn* le Séamus Mac Cuarta, ach go háirithe. Ar an lámh eile, shíl sé gurbh í an dán *Fuair Bréifne a díol do hsaoghlond* ‘[an] dán filidheacht is fearr do chonarc aríamh’.<sup>2960</sup> Ba chéim chun tosaigh, ó thaobh theagasc na Gaeilge, de na leabhair frásaí a chuir Muiris agus a chomhghleacaí, Aodh Ó Dálaigh, le chéile i lár na 18ú hAoise. Tháinig leabhar Mhuiris slán in dhá chóip a scríobh sé féin—ceann acu roimh an mbliain 1770<sup>2961</sup>— agus bhí tionchar nár bheag ag an leabhar seo ar an ngraiméar a scríobh Pádraig Ó Loingsigh faoi choinne *Bolg an tSoláir* (1795), an chéad iris nó páipéar Gaeilge a foilsíodh riamh, mar a léirigh McCaughey (1967-8: 206-8). D’fhág Pádraig Ó Loingsigh é féin a shliocht ar na comhráite a priontáladh i ngraiméar Uilliam Mhic Néill, *An Introduction to the Irish Language* (1808). Cé gur tugadh faoi deara cheana go bhfuil cuid mhaith foirmeacha canúna sa leabhar comhrá sin a léiríonn go raibh Gaeilge Oiriaila ag Muiris, tá sé thar a bheith spéisiúil gur shimpligh Muiris ortagrafaíocht na teanga leis an bhfuaimniú a dhéanamh soiléir don fhoghlaimeoir ar

<sup>2960</sup> LB Eg. 127, f. 39b; cóip sa *B.M. Cat.*, ii, 67. Féach fosta CT H.5.19(3) (1391), lch 79 [1].

<sup>2961</sup> LB Eg. 663; LN G141. Tá cóip eile i lámh P[atrick] O’Reilly in ARÉ 23D11 (230) (McCaughey 1967-8: 203).

chúpla dóigh. Is minic a scríobhann sé, agus sa leabhar comhrá sin amháin: (1) an t-alt *an* (*ain. uatha* agus *gin. fir. uatha*) mar *a'*—‘cumail a bord’ 26 [212];<sup>2962</sup> leag at[-]éadach, 93 [223], srl.; (2) giorraítear an mhír cheisteach *an* go *a'*, nó fágtar ar lár go hiomlán amanna í—‘a mbrise tu’, 90 [215]; ‘a dearn tu’, 46 [216]; taobh le ‘an dearna tu’, 74 [216], srl.; (3) déantar *chun*, *chun an*, *chun na* a ghiorrú go ‘*an*, ‘*n a'*, ‘*ann a'*, srl., (McCaughey 1967-8: 211)—‘aig dol ann a sgoile’, 61 [204]; ‘roimhe dhol an leapa’, 73 [204]; ‘ta me dol an a h-Úamha’, 29 [207, 208], srl.; agus (4) scríobhann sé *-abha-* mar *-ó-* mar ghnás—‘tóir ibheacha dhuinn’ 91 [214]; ‘tóir mo bhrístigh dhamh’ 79 [220]; ‘lóir Gáoidhlig accomhnaigh’ 45 [222], srl. Bhí tuiscint an-láidir ag Muiris ar ortagrafaíocht na Gaeilge i gcomórtas lena lucht comhaimsire, mar is iontach soiléir ó lámhscríbhinní eile dá chuid, na cinn a scríobh sé i gCo. Mhuineacháin i dtús a shaoil, fiú,<sup>2963</sup> agus ní ceist dom gur cheadaigh sé na litrithe simplithe thuas d’aon ghnó mar áis foghlama. Lámhscríbhinn dhéanach dá chuid is ea an leabhar aisteach, ARÉ 23B28 (299) ina bhfuil véarsaí agus amhráin Ghaeilge scríofa amach aige san ortagrafaíocht thraidisiúnta, agus iad arís san *English character* ina dhiaidh sin. Chuir Ó Máille (1916: 316-7) giotaí as an lámhscríbhinn i gcló, agus tá idir fhuaimneanna nua-aimseartha agus liteartha inti, rud a thugann cúpla leid dúinn faoin dóigh a n-aithrisítí dánta san 18ú hAois.<sup>2964</sup>

<sup>2962</sup> Is í an chéad uimhir thuas uimhir an leathanaigh in LN G141; uimhir an leathanaigh in alt McCaughey (1967-8) atá sa dara ceann. Bhain mé na samplaí seo as an alt, seachas an lámhscríbhinn.

<sup>2963</sup> Cibé botúin litrithe a rinneadh sa leabhar frásaí seo, agus tá neart acu ann, is soiléir nach trí aineolas a rinneadh na ceithre shimpliú anseo. Scríobhann Ní Mhunchaile (2009a: 229): ‘Cé gur scríobhaí néata agus cúramach é, ní raibh sé chomh hoilte le muintir Neachtain maidir le ceartlitriú na Gaeilge ach an oiread ...’, ach is é an freagra atá agam air seo gur féidir—nuair a chóipeálann Muiris agus Tadhg téacsanna comhaimseartha nó dá gcumadh féin—litriú Mhuiris a thuiscint gan dua, ach gur féidir le lámhscríbhinní Thaidhg Uí Neachtain a bheith giota beag dothuigthe amanna, an dóigh a gcuireann sé *-a*, *-adh*, *-aidhe* trína chéile go minic, srl.

<sup>2964</sup> Tharraing Mag Uidhir (1977: 57) aird ar chóras ortagrafaíochta na lámhscríbhinne ARÉ 23B38 (299): ‘Ls tábhachtach í seo ó thaobh staidéar na foghraíochta de’; agus d’aithin sé peannaireacht Mhuiris uirthi. Tugann cuid de na litrithe leid dúinn faoin ndóigh a bhfuaimníí filíocht Thoirdealbhaigh Uí Chearbhalláin san 18ú hAois. Ní thugann Ó Máille (1916) ainm an scríobhaí, ach ní ceist dúinn gur ghráf Muiris an t-ábhar a scríobhadh sa script rómhánach agus ar an gcorrlitir. Ba le R. Ball an lámhscríbhinn sa bhliain 1845. Féach LN G458, áit a bhfuil ábhar i láimh Mhuiris in ortagrafaíocht na Gaeilge agus sa script rómhánach, agus léifí ar an bpeannaireacht go mbaineann an

Déanaim amach gur scríobh Muiris codanna de thuairim is aon chúigiú amháin de na 600 lámhscríbhinn atá againn a scríobhadh sa ‘Tuaisceart’ i ré na Nua-Ghaeilge.

**2.173. Matha Mórdha Ó Graeme,**<sup>2965</sup> 1805-82 [Matthew Moore Graham]

*Liosta sealadach lámhscríbhinní*—féach nóta 2227.

**ARÉ 23A37 (218).** Cuid di.<sup>2966</sup> Leabhar urnaithe. Cathair Egson [= Exeter], Sasana 1834-5.

**COBÁC M1.** Cuid di. Dhá theagasc Críostaí, dánta le Séamus Mac Cuarta, Séamus Ó Teibhlin, ‘Agallamh an Duine agus an Bháis’. Na Méirsí, Dún Dealgan, An Lú 1834.

**COBÁC M2.** Formhór di. Dánta (a bhformhór leagtha ar Pheadar Ó Doirnín), aistriúcháin Bhéarla ar dhánta éagsúla le Matha Mórdha Ó Graeme.

**COBÁC M10.**<sup>†</sup> Blogh di.<sup>2967</sup> Rann. 1869.

---

lámhscríbhinn leis an tréimhse roimh an mbliain 1760. Tá síniú Mhuiris leis an lámhscríbhinn seo. Tugtar sleachta as ARÉ 23B38 (299) i gCaib. 1.2.4.3.

<sup>2965</sup> Bhí lámhscríbhinn ó chnuasach Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme i leabharlann Aibhistín Mhic Amhlaigh (*ob.*2010) sa bhliain 1988, *Treoir.*, 39 §145. Tugaim SPAM [1] uirthi, ach ní raibh mé in ann í a aimsiú. Féach nóta 154 thuas.

<sup>2966</sup> Thig linn glacadh leis gurbh é Matha Mórdha Ó Graeme a scríobh leathanach teidil ARÉ 23A37 (218), áit a dtugtar le fios gur scríobhadh í ‘i [*sic*] cCathair Egson’ sa bhliain 1835. Faoin méid sin, tá nóta i láimh Niocláis Uí Chearnaigh, ina n-áitíonn sé gur scríobh sé féin formhór na lámhscríbhinne sa bhliain 1841. Tá an chuid is mó den script níos troime agus níos so-athraithe ná í siúd a fhaightear sna lámhscríbhinní eile a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh thart faoin am sin, agus bheadh tuairim agam gurbh é Matha Mórdha Ó Graeme a scríobh an chuid is mó den leabhar urnaithe seo. Ar lch 77, tá colafon oghaim a thugann le fios gur scríobh ‘Matthamh Graeme’ (traslitriú) an chuid sin den lámhscríbhinn sa bhliain 1834.

Tchífeair ar ball beag go raibh deirfiúr ag Matha Mórdha Ó Graeme, Mrs. Campbell, a raibh cónaí uirthi in Exeter, agus a thiontaigh dánta Gaeilge, dar le Nioclás Ó Cearnaigh, go Spáinnis agus go hIodáilis. B’fhéidir go míníonn sé sin an fáth a bhfuil giota beag de leagan Spáinnise de Shoiscéal Eoin scríofa isteach in ARÉ 23A37 (218), rud a threisiúnn an argóint gurbh é Matha Mórdha Ó Graeme a scríobh an chuid is mó den lámhscríbhinn, agus sin idir na blianta 1834 agus 1835.

<sup>2967</sup> Graiméar Gaeilge atá in COBÁC M10: an príomhthéacs i mBéarla, agus sleachta Gaeilge anseo is ansiúd; agus scríobh Énrí Ó Muirgheasa (1905*b*: 765 col. b) go bhfuil na dátaí 1801, 1810, agus 1811 (i nóta déanach) inti. Tá nótaí fáin i láimh Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme ar lgh 71, ‘Edward Jones was very impertinent to write his name in a book he got a loan of. M. M. Graham’ (an méid sin faoin síniú ‘Edward Jones’ copybook’); 77, ‘Matthew Graham South Marsh near Dundalk’; 78, ‘This book was written in 1805 by Patrick M. Graham’. Scríobh sé ar lch 78 fosta an píosa gairid seo, ar athscríobh éigin é ar an rann coitianta, *Truagh sin, a leabhráin bháin,*

Is truagh sin a leab[h]ráin bán,  
do thanic an lá ’s bo fíor;  
a ndearfaidh neich os cionn do c[h]láir,

**COBÁC M17.** Cuid di. An chéad imleabhar de na *Bardic Remains of Louth*: aiste Bhéarla ar Pheadar Ó Doirnín (cuid di ina lámh). Dún Dealgan, An Lú 1834. Dó féin.

**COBÁC MA1.**<sup>2968</sup> Aistriúcháin ar dhánta Béarla agus Gaeilge. 1832.

**COBÁC MA2.**<sup>2969</sup> Liostaí luibheanna agus plandaí i dteangacha éagsúla, srl., ábhar Béarla. 1847.

**COBÁC MA3.** Liostaí luibheanna agus plandaí i dteangacha éagsúla, srl., ábhar Béarla. 1847.

**COBÁC MA4.** Liostaí luibheanna agus plandaí i dteangacha éagsúla, srl., ábhar Béarla. 1847, 1856.

**COC T<sup>1</sup>59(1) (59).** Litreacha, dán le Peadar Ó Doirnín [? le Nioclás Ó Cearnaigh], aistriúchán le Matha Mórdha Ó Graeme. 1845. Chuir *Nioclás Ó Cearnaigh*.<sup>2970</sup>

---

ni mairin an lamh a sgríobh.  
How sad alas fair little book,  
the day has come & passed away—  
when on thy page it has been said  
the writer's hand is turned to clay.

1869. M. Moore Graham, only son of the writer.

Tá sé le tuiscint as na nótaí sin gur scríobh athair Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, Patrick M. Graham, mórchuid COBÁC M10 sa bhliain 1805. Ag bun lch 48 sa lámhscríbhinn, tá an nóta 'per Edward Carrolan' i script an phríomhscríobhaí, ach tá an stíl pheannaireachta sna sleachta Gaeilge in COBÁC M10 i bhfad níos néata ná peannaireacht Éadbhaird Uí Chearbhalláin—féach ARÉ 24P7 (95). An é go bhfuair scríobhaí COBÁC M10 eiseamláir ó Éadbhard Ó Cearbhalláin? Ní fios dom, agus níl mé sásta amach is amach gur scríobh Patrick M. Graham mórchuid COBÁC M10 sa bhliain 1805, óir rugadh Matha Mórdha Ó Graeme sa bhliain sin.

<sup>2968</sup> An lámhscríbhinn ar ar baisteadh '16' i gcatálog Uí Mhuirgheasa (1905b: 767 col. a – 767 col. b). Féach nóta 10.

<sup>2969</sup> Ní thugann Énrí Ó Muirgheasa d'eolas i dtaobh na lámhscríbhinní seo in Ó Muirgheasa (1905b: 767 col. b) ach an méid seo: 'Two other scrap books of M. M. Graham's contain long botanical lists, giving the Irish, Latin and English names of the various herbs, plants, etc. These were probably all culled by Mr. Graham from dictionaries, and therefore may not have much value'.

<sup>2970</sup> Tá na bloghanna seo istigh le páipéir Sheáin Uí Dhálaigh, toisc gur chuir Nioclás Ó Cearnaigh ar aghaidh chuige iad. Féach na sleachta as litreacha a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh chuir Seán Ó Dálaigh a thugtar mar chuid den chuntas seo, nó an méid díobh atá i gcló in Ó Buachalla (1965: 139-46).

Is é rud atá in COC T<sup>1</sup>59(1) (59),

(a) litir a scríobh Matha Mórdha Ó Graeme chuir Nioclás Ó Cearnaigh an 10 Aibreán 1845, rud a chuir Nioclás Ó Cearnaigh chuir Seán Ó Dálaigh an 14 Aibreán 1845—féach an litir dar dáta sin (LN G389(75)) atá i gcló in Ó Buachalla (1965: 143);

Scríobh Énrí Ó Muirgheasa neart beathaisnéisí agus nótaí fáin ar an scríobhaí seo, Matha Mórdha Ó Graeme, C.E. (.i. innealtóir sibhialta), agus is iad na cinn is tábhachtaí, Ó Muirgheasa (1916: 180-1), Morris (1938), agus Ó Muirgheasa (1939). D’fhoilsigh scríbhneoirí eile, m.sh. O’Donoghue (1912: 167), Ó Donnchadha (1939: 97-101), Ó Buachalla (1965: 124-5, 139-53), srl.,<sup>2971</sup> cuntais ghearra ar Mhatha agus ar a chuid oibre; agus tá an leabhar aistriúchán a chuir Matha i bprionta, *The Giantess* (1833), pléite ina chomhthéacs stairiúil agus liteartha in Welch (1988: 85-90). Cnuasaíodh sonraí eile faoi bheatha Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme in Duffy (1987: 233-6, 244-5; 1988: 343-57, 363-6; 1989), saothair thábhachtacha ina bhfaighfear flúirse eolais ar Mhatha agus ar bhaill eile de scoil filíochta Airt Mhóir Uí Mhurchadha. Ós rud é gur pléadh scéal na *Bardic Remains of Louth* nó *Collectanea Grahamea* cheana féin mar chuid den chuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149, measadh nárbh fhiú dul siar air go mion anseo. Tá na deacrachtaí céanna a luadh faoi chúrsaí peannaireachta i lámhscríbhinní Niocláis Uí Chearnaigh (*q.v.*) bailí anseo fosta.<sup>2972</sup> An méid de lámhscríbhinní Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme

---

(b) litir (gan dáta) ó Mhatha Mórdha Ó Graeme chuig Nioclás Ó Cearnaigh, agus aistriúchán istigh léi, *I dwell in the dell of the brave and free*;

(c) dán le Peadar Ó Doirnín (de réir na lámhscríbhinne) i láimh Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, *Triallfad féin cois cuan na n-éan*, agus aistriúchán Béarla air le Matha Mórdha Ó Graeme, *I’ll haste along where the wild fowl throng*. Chuir Nioclás Ó Cearnaigh an chuid sin chuig Seán Ó Dálaigh an 24 Feabhra 1845; féach LN G389(75), nó Ó Buachalla (1965: 141).

Féach de Brún (1967: 152).

<sup>2971</sup> Mar a míníodh cheana i nóta 1158, bainim leas as na leaganacha foilsithe de na litreacha atá in LN G389, na leaganacha a chuir Ó Buachalla (1965) ar fáil, agus is dá alt a dhéanaim tagairt i gcónaí, le cúram an léitheora a éascú.

<sup>2972</sup> Féach a ndúirt Ó Buachalla (1965: 143 n.30, 147-51). Thug Seán Duffy faoi deara fosta go ndéanadh Matha ainm Niocláis a chealú dá chuid lámhscríbhinní, agus a ainm féin a chur ina áit corruair; tagraíonn Duffy (1988: 352) go speisialta do SPAM [1], .i. ‘the Mac Amhlaigh MS.’ in alt dá chuid,

Graham was new to the business of manuscript copying and liked to claim a greater facility in the task than he had as yet acquired. Let us examine one instance of this. The bulk of the Mac Amhlaigh MS—a collection of romantic tales—was transcribed by Nicholas Kearney in 1834 and 1835. But in the case of two of the four tales entirely in Kearney’s hand (*Eachtra an Mhadra Mhaoil* and *Bruidhean Chéise Corainn*) Graham has added ‘re Mattamh Graeme . . . Dundalgan’ or ‘re M. M. Graeme’ after the title in a rather clumsy attempt to claim them for his own. Even more clumsily, in the case of the other two tales which are entirely the work of Kearney (*Oidheadh Chloinne Uisnigh* and *Eachtra Chloinne Righ na*



atá againn, tá a bhformhór istigh le cnuasach Énrí Uí Mhuirgheasa, agus ba ó iníon Mhatha, Mrs. Anne Jane Carroll (1847–), An Charraig Dhubh, Co. Lú, a fuair Énrí Ó Muirgheasa iad sa bhliain 1902.<sup>2973</sup>

Tháinig Matha Mórdha Ó Graeme ar an saol ar an 5 Meitheamh 1805,<sup>2974</sup> dar lena iníon, Mrs. Anne Jane Carroll (1847–);<sup>2975</sup> is dóigh gur rugadh é i gcomharsanacht

---

*hIoruaidhe*), Graham has gone to great lengths to erase Kearney's signature from the scribal colophons and has replaced it with his own. ...

<sup>2973</sup> D'fhág Énrí Ó Muirgheasa cuntais againn ar an dóigh ar scriosadh an chuid is mó de chnuasach lámhscríbhinní Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme c.1900. Féach, mar shampla, Ua Muirgheasa (1904: 55), ... a servant maid began using the old books for lighting the fires and, before her action was discovered, they had all been reduced to ashes except thirteen ...

Thug Anne Jane Carroll, iníon Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme (féach nóta 2975), na lámhscríbhinní seo d'Énrí Ó Muirgheasa sa bhliain 1902, de réir nótaí a scríobh sé in COBÁC M11, agus in Ó Muirgheasa (1939: 184). Scríobh sé cuntas catalóige ar a chnuasach in Ó Muirgheasa (1905a; 1905b). Ag tús na catalóige, ní thugann sé ach an nóta lom seo ar a chnuasach: 'The following MSS. I have got bound and numbered as they came into my hands, and I take them in that order' (Ó Muirgheasa 1905a: 754 col. a). Tugann sé, in Ó Muirgheasa (1905a; 1905b), cuntas ar 17 lámhscríbhinn ar ar bhaist sé 1-17: COBÁC M1 – COBÁC M14, COBÁC M15<sup>1</sup> (féach nóta 10), COBÁC MA1, agus COBÁC M17 atá orthu anois. Ó tharla go bhfuil an chéad lámhscríbhinn agus an lámhscríbhinn deiridh sa chatalóg i lámha Niocláis Uí Chearnaigh agus Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, bheadh sé le tuiscint as an méid sin go bhfuair Énrí Ó Muirgheasa an t-iomlán dár chláraigh sé i dteach Anne Jane Carroll. Ní fíor sin, ar dhá ábhar. Sa chéad áit, thug Ó Muirgheasa (1937: 82) le fios in alt a chuir sé le chéile ar scríobhaí COBÁC M14, Tomás Ó Conchubhair (*q.v.*), go bhfuair sé an lámhscríbhinn sin i bhFearnmhaigh, Co. Mhuineacháin. De bhreis air sin, scríobh Énrí Ó Muirgheasa é féin i gcúpla áit go bhfuair sé isteach is amach le dosaen lámhscríbhinní ó Anne Jane Carroll: '... all ... reduced to ashes except thirteen ...' (Ua Muirgheasa 1904: 55); 'Níos lugha ná duisín aca a bhí fágtha. Thug Bean Uí Chearbhaill iad seo damhsa san bhln. 1902' (Ó Muirgheasa 1939: 184). Taispeánann an méid sin nach bhfuil nótaí Énrí Uí Mhuirgheasa de réir a chéile maidir le líon an chnuasaigh. I gcuid de na lámhscríbhinní atá ina chnuasach, tá duilleoga clóbhuailte (dar dáta 1903) ceangailte leo a thugann le fios gur bhain siad le cnuasach Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme lá den saol. Má chuireann muid na nótaí seo, COBÁC M11 (ina bhfuil nóta lámhscríofa go bhfuarthas í ó Anne Jane Carroll sa bhliain 1902), agus na lámhscríbhinní atá i bpeannaireacht Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, Niocláis Uí Chearnaigh, agus Airt Mhóir Uí Mhurchadha le chéile, tugann sé sin níos mó ná 13 lámhscríbhinn dúinn. B'fhíú staidéar a dhéanamh ar an gceist seo.

<sup>2974</sup> Scríobh Duffy (1988: 344 n.3) cheana go bhfuil an dáta sin ar taifead in dhá áit: in O'Donoghue (1912: 167), agus i nóta lámhscríofa a chuir Énrí Ó Muirgheasa le COBÁC M1. Ba ó Anne Jane Carroll a fuair an bheirt acu an dáta breithe sin, agus cé gur dóigh go bhfuil cláir baistí Dhún Dealgan don tréimhse seo cailte, ní gá amhras a chaitheamh ar a cuid faisnéise.

<sup>2975</sup> Tugann Énrí Ó Muirgheasa 'Mrs. Carroll' uirthi de ghnáth, ach tugann sé inisil a cuid ainmneacha baiste—'Mrs. A. J. Carroll'—in alt amháin dá chuid, Morris (1938: 116); tugtar an leagan céanna dá hainm in O'Donoghue (1912: 167). Is féidir, gan amhras, í a cheangal leis an iníon le Matthew Graham agus Mary Finegan, Anne Jane Graham, a baisteadh an 3 Deireadh Fómhair 1847 i nDún Dealgan. Féach an liosta de pháistí Mhatha a phriontáil Duffy (1988: 345 n.10) ó chlár baistí Dhún Dealgan, a bhfuil athchló orthu i nóta 3014.

Phós Ann Jane Graham, 'Blackrock', iníon le Mathew M. Graham, 'Architect', Patrick Carroll (mac le Owen Carroll) i mBaile an Agairt ar an 10 Feabhra 1881 (OAC, Cláruimhir: 2690036). Nuair a glacadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, bhí sí ag cur fúithi ar an gCarraig Dhubh, Co. Lú: Anne Jane Carroll, 51 bhliain d'aois [*sic*], 'Hotel Owner', pósta. Bhí sa teach léi a beirt mhac: Eugene G. Carroll, 17 mbliana d'aois; agus M. Augustus Carroll, 14 bliana d'aois. Scoláirí a bhí iontu beirt. Bhí col ceathrar léi sa teach ósta fosta—Maura Finegan, 34 bliana d'aois. Sa bhliain 1911, bhí an teach ósta díolta acu, agus bhí cónaí ar an teaghlach i \*gCoill an Iúir [Killynure], Lios na Daille, Co. Ard

Dhún Dealgan. Nuair a fógraíodh a bhás ar an *Drogheda Argus*, an 7 Eanáir 1882,<sup>2976</sup> tugadh Augustus Matthew Moore Graham air, agus shínigh sé a ainm mar ‘Matthamh Augustus Graeme’ ar lámhscríbhinn Ghaeilge amháin dá chuid.<sup>2977</sup> Diomaite de sin, tugtar ‘Matthew Moore Graham’ air sa chuid is mó de na foinsí Béarla atá againn, agus tá glacadh leis an leagan Gaeilge ‘Matha Mórdha Ó Graeme’ fosta. Thug Matha é féin le fios, in dhá nóta a chuir sé le COBÁC M10 sa bhliain 1869, gur scríobh Patrick M. Graham í sa bhliain 1805, agus gurbh é Matha é féin ‘the only son of the writer’;<sup>2978</sup> deirtear i gceann de na nótaí fosta go raibh Patrick M. Graham marbh faoin am sin, ach níl a dháta báis ar taifead, go bhfios dom.

Is aisteach an nóta é, óir tagraítear—i litir a scríobhadh c.1836 chuig Matha Mórdha Ó Graeme—do dheartháir leis, James Graham ‘who embarked [chun na Spáinne] in a bad cause which cannot be long successful’ (Duffy 1987: 245 n.94).<sup>2979</sup> Is féidir go bhfuil sé le léamh ar an méid sin go raibh James marbh nó imithe ó thuairisc faoin am ar scríobh Matha an nóta sin sa bhliain 1869. Bhí deirfiúr nó deirfiúracha ag Matha fosta. Tá istigh leis na *Bardic Remains* dán molta ar bhean óg darbh ainm Máire A. Ní Ghraeme, ‘Miss M. A. Graham of Ta[u]nton, Somersetshire’.<sup>2980</sup> Tugtar uirthi sa réamhrá a cuireadh leis an dán ‘the amiable and accomplished Miss M. A. Graham’, agus cé go gceiltear ainm an údair, agus nach sonraítear go díreach goidé

---

Mhacha. [Níl leagan deimhnithe Gaeilge den log *Killynure* ar fáil]. Féach an nóta a scríobh Morris (1938: 122) ar an geríoch a tháinig ar an teaghlach: ‘Mrs. Carroll died some years ago and her two sons, Augustine and Gerald Carroll are now in California, so that the Graham family, as far as I know, are now extinct in Co. Louth’. Níl a dáta báis ar eolas agam.

<sup>2976</sup> Fógraíodh a bhás ar pháipéir eile, m.sh. an *Belfast Weekly News*, an 7 Eanáir 1882.

<sup>2977</sup> ARÉ 23A37 (218), lch 1.

<sup>2978</sup> Níl d’eolas agam i dtaobh an duine seo, Patrick M. Graham, ach an nóta gairid a scríobh Matha Mórdha Ó Graeme in COBÁC M10, lch 78; féach nóta 2967. Deir Matha Mórdha Ó Graeme gur ghráf Patrick M. Graham an lámhscríbhinn féin sa bhliain 1805, ach ós rud é gur chuir Matha a ainm féin le cuid de shaothar Niocláis Uí Chearnaigh (féach nóta 2972), is doiligh a bheith cinnte gurbh é Patrick M. Graham a scríobh COBÁC M10 ar chor ar bith, agus ní áirítear é mar scríobhaí anseo.

<sup>2979</sup> Bhí an lámhscríbhinn sin istigh le SPAM [1], nach fios dom cá bhfuil sí anois. Ceanglaíonn Duffy (1987: 245 n.94) an droch-chúis sin leis an geogadh cathartha a bhí ar siúl sa Spáinn an uair sin.

<sup>2980</sup> Féach COBÁC M17, lch 443, dán dar tús *A Mháire bhéusaich, mur bhládh na seghthruadh air na coillte fa Cháisg*.

an pháirt a bhí aici le Matha Mórdha Ó Graeme, is féidir gurb ise an deirfiúr úd le Matha, ‘Mrs. Campbell’, a phós mac leis an nGinearál John Campbell, Earra-Ghàidheal, tuairim is an bhliain 1844. Bhí cónaí ar Mrs. Campbell in Exeter thart faoin am ar pósadh í, agus chaith Matha é féin seal sa chathair sin.<sup>2981</sup> Is fiú an tagairt a dhéanann Nioclás Ó Cearnaigh do dheirfiúr Mhatha, Mrs. Campbell, a thabhairt ina hiomláine. Agus é ag trácht ar chumas Mhatha mar aistritheoir i litir chuig Seán Ó Dálaigh ar an 9 Meán Fómhair 1844, tugann sé an méid seo eolais dúinn fúithi,

His sister Miss Graham of Exeter—but I believe by this time Mrs. Campbell as a marriage was to take place with a Mr. Campbell a son of the Argyle family a few weeks ago—is a famous poetess and done some of our Irish songs into Italian and Spanish. So you can perceive that the Graham family have endeavoured to do something for Ireland.<sup>2982</sup>

Níl a dhath ar bith ar eolas faoina mháthair. Thuairimigh Morris (1938: 123) gurbh é ‘Moore’ sloinne breithe a mháthar, agus gurbh in an fáth ar chuir sé sin lena ainm, mar a dhéantaí amanna sa Tuaisceart. Níl mé in ann teacht ar thagairt ar bith do lánúin phósta dar shloinne Graham agus Moore áit ar bith i gcláir Chaitliceacha Dhún Dealgan, agus níl mé in ann fosta tairbhe ar bith a bhaint as na tagairtí a dhéantar sa chéad dá chlár baistí (1790-1802, 1814-1831) do theaghlaigh éagsúla dar shloinne Graham. Níl trácht ar bhaisteadh Mhatha iontu, ar ndóigh, óir tá na taifid do na blianta idir 1802 agus 1814 ar neamhní. Tharraing Duffy (1988: 344) aird ar rud aisteach a scríobh Matha, sa réamhrá a chuir sé lena shaothar *The Giantess* (1833), i dtaobh bhlianta a óige,

<sup>2981</sup> Bhí sé ‘í [*sic*] ccathair Egson’ sa bhliain 1835. Féach ARÉ 23A37 (218), lch 1 (leathanach teidil).

<sup>2982</sup> LN G389(68), Nioclás Ó Cearnaigh chuig Seán Ó Dálaigh, an 9 Meán Fómhair 1844; tá an litir sin i gcló cheana in Ó Buachalla (1965: 140).

... the obstacles which hard and constant labour threw in my way; with the discountenance of the persons whom Providence placed over me as guardians; added considerably to the difficulties which attended my undertaking. Many other disadvantages,—which stand closely connected with the history of my life, and which I am unwilling to lay before the public at present, for reasons which are unnecessary to be mentioned,—have greatly militated against my present design.

Má tá beagán den áibhéil i gceist sa sliocht sin, b'fhéidir, is dóigh go léifí ar a chuid cainte gur fágadh Matha ina dhílleachta in aois a óige. Diomaite de nach féidir mórán a rá faoin oideachas a cuireadh air i dtús a shaoil, tá a fhios againn go raibh aithne curtha aige ar bhaill éagsúla de scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha (*q.v.*) faoi mhí an Mheithimh 1828,<sup>2983</sup> nó scríobh Art Mór dán molta ar Mhatha—‘the boy just passing twenty-two’—thart faoin am sin.<sup>2984</sup> ‘Chan fhuilim cinnte gur Gaedhilgeóir ón chliabhán a bhí ann, ach fuair sé go h-óg í’, a scríobh Ó Muirgheasa (1939: 183), agus b'fhéidir gur cheart sin dó: féach an cuntas a d'fhág Matha é féin againn ar an dóigh ar spreagadh é le spéis a chur i litríocht na Gaeilge,

Some time ago, I was casually brought to hear the recitations of some old persons, who were accustomed to entertain such of their neighbours as thought proper to attend on winter nights, with their songs. ... Upon the first opportunity, I began to study my venerable vernacular tongue, and to feast on the inexhaustible delicacies contained in it. The *Laoidh na Mna Moire*, or *Giantess*, was one of the first MSS. put into my hands.<sup>2985</sup>

Ní fios dúinn cé hé an cara dá ndéanann Matha tagairt sa nóta sin, ach is éasca a shamhlú gurb é Nioclás Ó Cearnaigh atá i gceist aige, tharla go raibh baint an-láidir ag an mbeirt acu lena chéile sna blianta a lean sin. Is cosúil nár ghlac Matha páirt san

---

<sup>2983</sup> Tugtar liosta úsáideach de na lámhscríbhinní a bhfuil baint láidir acu leis an scoil filíochta sin in Duffy (1987 235 *n.43*).

<sup>2984</sup> Thug Art Mór ‘Epithalamium Extempore’ ar an dán, agus tuigeadh do Morris (1938: 116) gur pósadh Matha *c.*1827 ar an ábhar sin; thaispeáin Duffy (1988: 345 *n.10*) go bhfuil teideal an dáin míchruinn. Más ceart an aois a thugtar sa dán, cumadh é idir an 5 Meitheamh 1827 agus an 4 Meitheamh 1828.

<sup>2985</sup> Sin sliocht as leabhar Graham, *The Giantess* (1833), sliocht a thugtar in Duffy (1988: 345) fosta.

iomarbhá a reáchtáil Art Mór Ó Murchadha c.1825, ná ní féidir a bheith siúrálte go raibh baint ar bith aige leis an scoil an uair sin.<sup>2986</sup> Bhí Art Mór iontach tógtha leis, agus bheifí ag déanamh amach gur thug sé urraim ar leith do Mhatha—glacaim leis gurbh é Art Mór a mhúin léamh agus scríobh na Gaeilge dó i dtús áite.<sup>2987</sup>

Má ba í an Ghaeilge an teanga ba mhó inar shaothraigh Art Mór Ó Murchadha, an Dr Séamus Mhac Giolla Choille, Nioclás Ó Cearnaigh, agus cuid de na mionfhilí eile atá le háireamh i lámhscríbhinní scoil Airt Mhóir, dhírigh Matha go mór ar sheantéacsanna Gaeilge a aistriú go Béarla, agus thriailigh sé cúpla dán nua a cheapadh fosta. Ar na dánta nua a scríobh sé, tá *When brilliant Sol descended from our sight*, dán molta ar Art Mór; agus bhí sé amuigh air gur cheap sé marbhna ar an Dr Séamus Mhac Giolla Choille.<sup>2988</sup> Ceanglaíonn Duffy (1988: 345 n.11) an dán sin ar Art Mór leis na ‘encomiums’ dá dtagraíonn Art Mór i litir a chuir rúnaí *ex officio* dá chuid chuig ‘Matthew Graham, Esq., Merches’, Dún Dealgan, ar an 14 Deireadh Fómhair 1831. Iarrann sé air maitheamh dó nár chuala sé siolla uaidh le fada an lá,

I hope you will be indulgent enough to pardon my negligence in not even giving you thanks for the encomiums bestowed by you upon an unworthy individual as I am. I beg you will receive this, for the present, as an apology.<sup>2989</sup>

---

<sup>2986</sup> Tugann nóta in ARÉ 23B19 (495)—an lámhscríbhinn ina dtugtar cnuasach beag dánta a scríobhadh le haghaidh na ‘hiomarbhá’ sin—le fios gur cheartaigh Matha an leagan de ‘Súirí Mhuiris Uí Ghormáin’ le Peadar Ó Doirnín atá sa lámhscríbhinn féin.

Ní fios cá huair a rinne sé sin, óir tá an nóta sin i bpeannaireacht Niocláis Uí Chearnaigh, measaim, ag barr an dáin, ar lch 97.

<sup>2987</sup> Tá rian litriú Airt Mhóir Uí Mhurchadha ar roinnt de na botúin a dhéanann Matha Mórdha Ó Graeme ina chuid lámhscríbhinní; féach, díreach mar shampla fáin, go scríobhtar *í* le haghaidh an réamhfhocail *í* (m.sh. ARÉ 23A37 (218), lch 1: ‘Scríobhtha í [*sic*] cCathair Egson...’), botún a dhéanadh scríobhaithe scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha go rialta (féach, mar shampla, ARÉ 23B19 (495), *passim*).

<sup>2988</sup> Níl an dán sin ar fáil anois, ach déantar tagairt dó in ARÉ 23E12 (769), lch 263, mar a scríobh Duffy (1987: 244) cheana.

<sup>2989</sup> COBÁC M17, taobh istigh den chlúdach cúil. Tá an litir agus an dán in eagar in Ó Muirgheasa (1916: 180-1).

Leanann dán fada, in aithris ar stíl Burns, an méid sin, ina ndéanann Art Mór gearán faoina chúinsí, go raibh air aire a thabhairt dá pháirc bheag talún, agus go raibh na ‘men of statie’ á choinneáil gnóthach. Ag deireadh an dáin, tugann iarscríbhinn bheag le fios go raibh rannaire fostaithe ag Matha é féin faoin am sin,

I beg that you will not be angry with me by reason of my forgetting to write to you this long time past. I have been but in very bad spirits, and I very much fear you will construe my forgetfulness in the worst sense. I beg you once again to excuse me. I am informed you have engaged some petty scribbling rhymers at or near your own place. If he is a blathering bawler quit him at once; cast no pearls to swine. If he is an unlicensed sage let me have share in the victory. I cannot close this without giving you my hearty thanks for your unparalleled poem on the humble inmate of Grottoplace Castle.<sup>2990</sup>

Ba dhóigh le hÓ Buachalla (1965: 149-50 *n.44*) gur thosaigh Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme a bhailiú ábhar dá mórshaothar, na *Bardic Remains of Louth*, c.1832. Dhealródh sé gurbh é an cuspóir ba mhó a bhí ag Matha cló a chur ar chuid den ábhar a bhí á chóipeáil agus á chumadh, fiú, i scoil Airt Mhóir—na téacsanna Gaeilge, mar aon le haistriúcháin Bhéarla orthu.<sup>2991</sup> Táthar ar an eolas le fada gur ceadaíodh cur chuige leabhar Shéamuis Uí Ardagáin, *Irish Minstrelsy* (1831), sna *Bardic Remains of Louth* (nó na *Collectanea Grahamea*, mar a baisteadh orthu fosta), áit a dtugtar meascán de bhuntéacsanna Gaeilge, aistriúcháin, nótaí comhthéacs, agus eile. Tugann COBÁC MA1, ar scríobhadh cuid di sa bhliain 1832, leideanna dúinn go raibh Matha agus Nioclás tosaithe ar chuid den ábhar a chur le chéile faoin am sin; agus tá glacadh leis le fada an lá gur fágadh faoi Nioclás na téacsanna Gaeilge a cheartú agus a chóipeáil, a fhad is a bhí Matha á n-aistriú go

---

<sup>2990</sup> Féach nóta 2989.

<sup>2991</sup> Féach briathra Duffy (1988: 346): ‘He assumed Art’s role as spearhead of the organization and literary mentor, even adopting a similarly absurd style for his place of residence: by about 1834 he is described in one of their manuscripts as: Matthew Graham Esqr. of Greenvale Castle and Park, heir and successor to Art Murphy of Grottoplace Castle and Park Esqr., Licentiate General to the Muses, ... And, coming from beyond the Society’s ambit of recruitment, he seems to have brought a new vigour and a broader perspective to their undertakings’.

Béarla. Níltear uilig ar aon tuairim maidir leis an réamhrá agus na nótaí staire: áit ar fearr le hÓ Buachalla (1965: 151) an réamhábhar agus eile a leagan ar Nioclás fosta, tuairimíonn Duffy (1988: 352) gurb í lámh Mhatha an lámh is mó sa réamhrá: ‘his rather self-indulgent talk of long years of rustic employment and burthensome toil, of his unworthiness for the task but having been prevailed upon ...’ Is dóigh leis go bhfuil cosúlachtaí láidre idir an sórt cainte sin a fhaightear san aon imleabhar ceart de na *Bardic Remains of Louth* atá againn, agus a bhfuil sa bhrollach a chuir Matha le *The Giantess, from the Irish of Oisín* (1833), an leabhar aistriúchán agus dánta a chuir sé amach in aois a 28 mbliana, nó geall leis. Thrácht Welch (1988: 87-8) cuid mhaith ar na laigí atá ar na haistriúcháin sin a priontáladh in *The Giantess* (1833), an tiontú leamh a rinneadh ar ‘Caipitín Fuiscí’ Pheadair Uí Dhoirnín, ach go mórmhór, nach dtugann beocht agus greann an tsaothair Ghaeilge slán. Is dóigh leis nár éirigh le Matha, ach beagán, an cuspóir a leag sé amach sa réamhrá a chur i gcrích,

His translations, he claims, are literal; he preferred ‘to be called a servile translator, rather than strain my originals’. His mode of diction, he says, ‘borders upon Irish’. Both claims are ill-founded; his verse translations are far from literal and his diction inherits much of the heavy circumlocution of Charlotte Brooke, and of an author closer to his own time, Thomas Furlong.<sup>2992</sup>

‘Laoi na Mná Móire’, cumadóireacht scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha, blaiseadh de shaothair Pheadair Uí Dhoirnín, agus iad uilig tiontaithe go Béarla: is cuí go dtugtar ag deireadh an tsaothair sin fógra i dtaobh na gcnuasach Gaeilge eile a bhí á gcur in eagar ag Matha thart faoin am sin. San fhógra sin, tugann sé le fios gur shaothar ceithre imleabhar a bheadh i gceist, agus go gcuirfí cló ar an gcéad imleabhar i mí Dheireadh Fómhair [1833]. Tuairim is bliain ina dhiaidh sin, bhí Nioclás tar éis an

---

<sup>2992</sup> Welch (1988: 86).

méid sin ábhair a chur ina threo go mbeadh ábhar seacht n-imleabhar acu.<sup>2993</sup>

Cuireadh cuid mhaith dréachtaí garbha isteach i leabhar coiteann ar a dtugtar ARÉ 24L25 (818) anois,<sup>2994</sup> leagan garbh de bheathaisnéis Pheadair Uí Dhoirnín—na *Sketches*—agus ábhar eile. Ullmhaíodh sa bhliain 1834 dea-chóip den saothar uilig. Istigh leis an gcóip sin, COBÁC M17, tá leagan feabhsaithe den bheathaisnéis, an *Memoir*. Diomaite de go bhfuil an lámhscríbhinn bunús uilig i láimh Niocláis Uí Chearnaigh, chuir Matha Mórdha Ó Graeme breiseanna agus ceartúcháin léi, agus tugann sé an 5 Lúnasa 1834 mar dháta scríofa áit amháin. Thart faoin am a raibh an chuid is mó den lámhscríbhinn seo á cóipeáil ag Nioclás Ó Cearnaigh, bhí Matha é féin ag scríobh téacsanna cráifeacha: scríobh sé cuid de COBÁC M1 sna Méirsí, Dún Dealgan, sa bhliain 1834, agus chuir sé tús le leabhar urnaithe, ARÉ 23A37 (218), an bhliain chéanna. Ba in Exeter a chríochnaigh Matha a chuid den lámhscríbhinn sin, áfach, agus tá leideanna maithe againn go raibh sé fós in Exeter i mí na Bealtaine 1836.<sup>2995</sup> Bhí Nioclás Ó Cearnaigh ag cur faoi i nDún Dealgan sa bhliain 1837, ach ní cosúil go ndearnadh mórán oibre eile ar na *Bardic Remains of Louth* ina dhiaidh sin, agus tháinig deireadh leis an scéim oibre uilig nuair a bhog Nioclás go Baile Átha Cliath sa bhliain 1844.

De réir mar a tháinig an chéad imleabhar de na *Bardic Remains of Louth* anuas chugainn, is é sin, mar dhréacht measartha iomlán agus mar ghiotaí fáin eile, is doiligh iontaoibh a bheith againn as aon chuid den saothar: gan teacht ar chuid mhaith den ábhar Gaeilge ach sna *Bardic Remains of Louth* iad féin, an chuma ar lear mór acu gurbh é Nioclás Ó Cearnaigh a cheap iad—agus ní taise don *Memoir*:

---

<sup>2993</sup> Féach Duffy (1988: 349-50), a thugann an fógra ina iomláine, de réir mar a foilsíodh é in *The Giantess* (1833); tá an dara fógra, rud atá in COBÁC M17, lch 447, i gcló in Ó Muirgheasa (1905b: 768 col. b), agus in Duffy (1988: 353 n.49).

<sup>2994</sup> Rinneadh plé ar na lámhscríbhinní seo, ar na *Sketches* agus an *Memoir*, i nóta 2434.

<sup>2995</sup> Féach an litir (gan dáta) a scríobh sé in Exeter, rud a bhí in SPAM [1] agus a cuireadh i gcló in Duffy (1988: 365-6). Freagraíodh an litir ar an 25 Bealtaine 1837—féach Duffy (1988: 366-7)—áit a dtugtar ‘your esteemed letter of May last’ ar an gcéad litir.



sraith d’eachtraí áiféiseacha á gcarnadh ar a chéile atá ann, iad á chur in iúl de shíor a léannta, a chráifí, agus a chróga a bhí Peadar Ó Doirnín—na héachtaí a rinne sé ar mhaithe lena thír, lena theanga dhúchais, agus lena lucht cumainn trí chéile—agus athraíonn cuid de na scéalta seo ó dhréacht go dréacht, fiú.<sup>2996</sup> Ar an taobh eile den scéal, tá leagan amach an tsaothair ar fheabhas, agus taispeánann gnéithe áirithe de go raibh an-tuiscint ag Matha, agus ag Nioclás, ar chás na Gaeilge: ‘It is important to stress’, a scríobh Duffy (1988: 353), ‘that the Dundalk group were not alone in the 1830s in seeking the revival of the Irish language, but with a small number of exceptions[,] ... in calling for the preservation of the language merely for its own sake, without ulterior motive, they were uniquely ahead of their time’. Cuid mhaith de na bréaga seo a aithristear sna *Bardic Remains of Louth*, níorbh ar mhaithe le cluain a chur ar an bpobal a scríobhadh iad, ná le cinsireacht a dhéanamh ar an bhfírinne lom, ach díreach le pobal léitheoireachta a mhealladh i dtreo litríocht na Gaeilge. Airíonn de Rís (1969: 29) cuid mhaith de “‘b[h]ratachas” an *Nation*’ ar an saothar: tá rómánsachas, uaillmhian, agus béadán na tréimhse sin le léamh ar gach duilleog de, beagnach, ach is cosúil go raibh na dea-rúin á spreagadh. Léirigh Duffy (1988: 351-3) go raibh ról ní ba lárnaí ag Matha Mórdha Ó Graeme san obair thaighde ná mar a síleadh go dtí sin. Agus an chéad imleabhar geall le bheith réidh don chlódóir aige i mí Feabhra 1835, scríobh Matha é féin chuig Cuideacht Gaedhilge Uladh a lorg lámhscríbhinní ina raibh saothair eile le Peadar Ó Doirnín,

Acht fádh mo sgríbhne chugad: aithris dhamh... na bhfuil a lán d’oibríbh ár mbard-na agaibh, go háiridh saothar na mbard Chundae Lugha? ...  
[D’]oibrídh Oí Dhoirnín do chnuasaigíos féin aen leabhar 7 atá leabhar eile díobh a bhfuil a fhormhor cruinn agam, ge go bhfuil a lán de dhuantibh air seachran uam; 7 is ga niarruidh oruibhse ataim, má do tharrladh aguibh iad.  
[...] seo, do Arig gur chualas go ttug Maighistir Brounlow a lán de leabhraibh

---

<sup>2996</sup> Féach, mar shampla, an ‘mac’ a bhí ag Peadar Ó Doirnín sna *Sketches*; bhí sé ina nia leis faoin am ar cuireadh an *Memoir* le chéile. Dúradh cheana sa chuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149.

Gaedheilge dhuibh, <sup>7</sup> go mbéidir do chuid do shaethar Uí Dhoirnín a bheith 'na measg, de bhrígh gur chara ionmhuin dhó athair mór Bhrounlo atá na b[h]ith a nois....<sup>2997</sup>

Is eol dúinn fosta gur scrúdaigh Matha cnuasach lámhscríbhinní Robert Coulter—ina raibh an uair sin, glacaim leis, an cnuasach breá de dhánta Pheadair Uí Dhoirnín agus Airt Mhic Cumhaigh a scríobh Donnchadh Mag Oireachtaigh sa bhliain 1792 do Shomhairle Ó Coltran.<sup>2998</sup> Má tá cuid den chreidiúint tuillte ag Matha Mórdha Ó Graeme, mar aon le Nioclás Ó Cearnaigh, as an ábhar atá in COBÁC M17 agus eile, is féidir cuid mhaith den locht a fhágáil air fosta. Thaispeáin Duffy (1988: 352) go ndearna Matha buannaíocht ar chuid den ábhar a scríobh Nioclás dó, agus, níos measa fós, bhí claonadh aige saothair dá chumadh féin a fhágáil ar sheaneiseamláirí doiléire doléite fosta.<sup>2999</sup>

Tar éis d'Art Mór Ó Murchadha bás a fháil am éigin idir na blianta 1834 agus 1841, agus i ndiaidh do Nioclás Ó Cearnaigh bogadh go Baile Átha Cliath sa bhliain 1844, d'éirigh idir é agus Matha. Sna míonna deiridh den bhliain 1844, bhí an bheirt acu fós mór lena chéile: i litreacha a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh chuig Seán Ó Dálaigh, an díoltóir leabhar, ar an 26 Iúil 1844 agus an 9 Meán Fómhair 1844 faoi seach, molann sé Matha agus an 'patriotic spirit' a bhí aige. Diomaite de go gcuireann

---

<sup>2997</sup> An leagan den litir a chuir Ó Dufaigh & Ó Doibhlin (1989: 17) i gcló, ach gur ghiorraigh mé é beagán. D'aistrigh Duffy (1988: 352-3) cuid den litir go Béarla. Bhí an litir istigh le SPAM [1], ach tá an lámhscríbhinn sin ar seachrán.

<sup>2998</sup> Thug Matha le fios in SPAM [1], leathanach teidil, go raibh sé 'favoured by R. Coulter ... with MSS.' (Duffy 1987: 233). Is í LB Add. 18749 an lámhscríbhinn de chuid Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh atá i gceist agam.

<sup>2999</sup> Ba dhóigh le Morris (1938: 119) gur cheap Matha cuid den ábhar a fuair sé, dar leis, i seanlámhscríbhinní, agus tugann Duffy (1988: 348) sampla maith de nóta a scríobh Matha a mheabhródh áibhéil Niocláis Uí Chearnaigh dúinn. Sa nóta sin, ina gcaitheann Matha amhras ar chuid de na dánta a 'd'aistrigh' James Macpherson, scríobhann sé go raibh leagan den laoí chéanna aige 'transcribed long before nature herself thought of either MacPherson or his dissertation'. Ar an taobh eile den scéal, bhain James Macpherson le lár na 18ú hAoise, agus tá cuid mhaith laoithe fiannaíochta in COBÁC M11, a scríobhadh sa bhliain 1737. Faightear laoithe fiannaíochta i lámhscríbhinní a scríobhadh in Oiriaila sa 17ú hAois; féach LN G1304, srl. Is féidir, sa sampla áirithe sin, go raibh an ceart ag Matha, ach ní ceist dúinn gur chum sé cuid den ábhar a ndeir sé go bhfuair sé é i seanlámhscríbhinní.

Nioclás in iúl go láidir do Sheán Ó Dálaigh gurbh eisean a chuir na *Bardic Remains of Louth* le chéile, tugann sé le fios gurbh é Matha a scríobh na haistriúcháin Bhéarla.

Féachaimis ar dtús ar an litir a scríobh sé ar an 26 Iúil 1844,

... if you would think well on inserting at intervals some of the works of our Louthian bards I probably may be able to furnish you with a few that have not been as yet inserted in my collection of the Bardic Remains of Louth which is being prepared for the press with translations in verse by a young gentleman and valued friend M. M. Graham Esq. But as I have seen reasons to give prose translations it is possible they shall not at present go to press.<sup>3000</sup>

An té a léifeadh an litir sin gan scéal na *Bardic Remains of Louth* a bheith ar eolas aige, is dóigh go gceapfadh sé gurbh é Nioclás a thug díolaíocht do Mhatha as na haistriúcháin a scríobh, agus gurbh é Nioclás fosta a bhí freagrach as gach gné eile den obair. B'in an rud, ar ndóigh, a bhí Nioclás a iarraidh a chur in iúl do Sheán Ó Dálaigh, agus cé gurbh é Nioclás é féin a rinne formhór mór na hoibre ar na téacsanna Gaeilge, chonaic muid cheana go raibh baint éigin ag Matha leis an obair thaighde; agus is dóigh le Duffy (1988: 349-53) gurbh é Matha a cheap cuid mhaith den réamhrá atá le COBÁC M17, má ba é Nioclás a scríobh an chóip fhisiciúil de atá againn. Chuir sé samplaí de shaothar Mhatha chuige, agus dealraíonn sé gur bheag le Seán Ó Dálaigh a chuid iarrachtaí. Scríobh Nioclás chuige arís ar an 9 Meán Fómhair 1844,

I am sorry that you did not consider Mr. Graham's translations suitable but I must account for that by reason of the hurry I urged him with to finish them and the little or no information he had of the thread of the subject but above all to the press of business on his hands and worse, his turgiversative habits. Graham in my estimation when found in fit mood is the best poetic translator

---

<sup>3000</sup> LN G389(67), an 26 Iúil 1844; tá an litir sin i gcló in Ó Buachalla (1965: 139).

of Irish I ever met and I met and have known many. He is a famous Irish scholar and a downright patriot to boot. ...<sup>3001</sup>

Phós Matha bean darbh ainm Mary Finegan i dtreo dheireadh na bliana, ar an 22 Samhain 1844, agus is cosúil nár bhac sé le cuid mhaith de litreacha Niocláis a fhreagairt thart faoin am sin, rud a chuir olc air. Sna litreacha a scríobh Nioclás chuig Seán Ó Dálaigh i dtús na bliana 1845, le linn dóibh a bheith ag plé bheathaisnéis Pheadair Uí Dhoirnín, déanann sé gearán go rialta faoi mhíchaothúlacht Mhatha. Faoin 13 Feabhra 1845, bhí Nioclás tar éis plé éigin a dhéanamh le Matha i dtaobh na beathaisnéise a chuir Art Mhac Bionaid (*q.v.*) chuig Seán Ó Dálaigh; agus tugann Nioclás é féin le fios i litir dar dáta sin go raibh beartaithe ag Matha beathaisnéis (arna bunú ar an *Memoir* a scríobh siad i bpáirt lena chéile)<sup>3002</sup> a sheoladh chuige,

I have consulted with my friend Mr. Graham with respect to what you told me about Bennett and Lamb. He is very angry at their presumption and promised to send me a sketch of O'Dornin's life for you; also a specimen of the great bard's handwriting. If you have not already embodied the fictitious account in your MS. I would advise you as a friend not to do so. However as Graham is tedious if you have your number prepared for press I assure you I have no interest in wishing to delay its publication.<sup>3003</sup>

---

<sup>3001</sup> LN G389(68), an 9 Meán Fómhair 1844; Ó Buachalla (1965: 140).

<sup>3002</sup> Tá dhá phríomhleagan againn den bheathaisnéis ar Pheadar Ó Doirnín a scríobhadh faoi choinne na *Bardic Remains of Louth*—dréacht ar a dtugaim na *Sketches*; agus leagan foirfe di dar teideal an *Memoir*. Féach nóta 2434 ina dtaobh.

<sup>3003</sup> LN G389(71), an 13 Feabhra 1845; Ó Buachalla (1965: 141).

Is dóigh gurbh é Nioclás Ó Cearnaigh a d'iarr ar Mhatha sampla de pheannaireacht Pheadair Uí Dhoirnín a chur chuige; bhí sé tar éis duilleog as lámhscríbhinn de chuid Phádraig Uí Phronntaigh a chur chuig Seán Ó Dálaigh cheana féin, rud a fuair sé ar iasacht ó chara leis. Féach LN G389(70), litir a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh chuig Seán Ó Dálaigh an 19 Eanáir 1845,

I enclose a leaf which my friend the old Doctor had the kindness to extract out of one of his MSS. ... It was written by Patrick O'Pronty a contemporary bard of O'Dornin and much resembles O'Dornin's scrool with the exception that the latter did not lay so heavy on the pen. ... You will be kind enough when you examine the enclosed to return it to me as the Doctor would think it a serious loss to have his book wanting a leave ... (Ó Buachalla 1965: 140-1).

Is ionann an 'old Doctor' agus an Dr Brian Ó Rodaigh, Dún Dealgan, an té dár scríobh Nioclás Ó Cearnaigh ARÉ 12B<sup>15</sup> (899) idir na blianta 1840 agus 1841; ba dhuine de na príomhcharachtair é sa saothar magúil 'The War of Donomore' a scríobh Art Mór Ó Murchadha—féach Ó Buachalla (1965: 151 *n.47*) agus Duffy (1987: 244-7)—agus a foilsíodh in *The Giantess* (1833). Pléitear an ceangal inspéise a bhí aige le saothar de chuid Niocláis, 'Cath Fhochairte Bhrighite', in Duffy (1988a: 75).

Scríobh Nioclás arís an 24 Feabhra 1845, agus bhí an chuma ar an scéal go raibh

Matha díreach ar tí ábhar a sheoladh chuige,

I am just in receipt of a note from Mr. Graham in which he desires to inform you that he expects this day—Monday—a specimen of O’Dornin’s writing with his autograph, name and date which he intends to forward with the sketch immediately. He also sent me the enclosed which was composed by the bard at a convivial party at his [i. Grahams]—I believe—grandfather’s house ... The translation is by himself. ...<sup>3004</sup>

Tá an dán úd, *Triallfad féin cois cuan na n-éan*, agus an t-aistriúchán a scríobh

Matha air, *I’ll haste along where the wild fowl throng*, istigh le litreacha eile in COC

T<sup>1</sup>59 (59).<sup>3005</sup> Chuaigh seachtain thart gan scéala ar bith a theacht ó Mhatha, agus

bheartaigh Seán Ó Dálaigh, a bhí ag iarraidh a leabhar filíochta a réiteach don chló,

scríobh chuig Nioclás arís. Níl an litir a scríobh Seán Ó Dálaigh againn, go bhfios

dom, ach tháinig slán an freagra a chuir Nioclás chuige an 5 Márta 1845,

... I have not heard from Mr. Graham since I sent you the song though I urged the necessity of being expeditious in the present instance... should he delay any longer and that the delay would occasion any inconvenience to you I have to request that you will proceed with your publication.<sup>3006</sup>

Nuair nár tháinig tada ó Mhatha, fágadh Nioclás i bponc, agus thriail Seán Ó Dálaigh

scríobh chuige arís ar an 4 Aibreán 1845. Ní hábhar iontais go raibh Nioclás ar mire

faoin am sin, agus fuair bean Mhatha a cuid féin den searbhas a bhí istigh ann,

I have just received yours of yesterday’s date and in reply beg to say that I have not heard a single word since I last wrote to you from Mr. Graham. I regret very much the carelessness and anti-patriotic spirits he has evinced on this occasion and which are quite inconsistent with his many assurances to me. ... and as you have waited too long for Graham’s transcript of my sketch I fear you must publish Bennett’s though fallible it be . . . I was in Drogheda the week before last but could not go to Dundalk or I would fight hard to have some of my MSS. from Mr. Graham. I cannot excuse him for his breach of promise except of supposing that he is entirely infatuated with the French-

<sup>3004</sup> LN G389(72), an 24 Feabhra 1845; Ó Buachalla (1965: 141).

<sup>3005</sup> Féach nóta 2970.

<sup>3006</sup> LN G389(73), an 5 Márta 1845; Ó Buachalla (1965: 141).

bred lady to whom he has been married some time since . . . I enclose the last communication I had from Graham to show you that I have stated nothing relative to the promised sketch but what he led me to believe. I thought he might have sent direct to you as I told him to do.<sup>3007</sup>

Seal gairid ina dhiaidh sin, d'éirigh le Matha faoi dheoidh cead a fháil ó shealbhóir MN B1—Brian Ó Searcaigh (*q.v.*), glacaim leis—stiall bheag a ghearradh as an lámhscríbhinn ar a raibh scríofa 'Crích don dara ra[imh] d'Eachtra na cCuradh'. Ghreamaigh sé an giota páipéir de litir a scríobh sé chuig Nioclás Ó Cearnaigh an 10 Aibreán 1845, áit a ndeir sé gur tugadh an dáta 1777 i gcolafon sa lámhscríbhinn,

I would not be permitted to tear out the name and date by O Dornin's hand lest it might not be returned, though I proposed writing in the page I would take out. This, they said would be like a forgery and would destroy the antiquity of the book. The name and date is in the middle of a page (the back of which is also written on) and in a triangular form taking up the greater part of a page.<sup>3008</sup>

Is eol dúinn, ar ndóigh, go raibh Peadar Ó Doirnín marbh le spás faoin mbliain 1777, agus is beag stró a bheadh ar dhuine a dhéanamh amach, ar dhealbh na peannaireachta, gur cuireadh an colafon sin le MN B1 i bhfad tar éis a scríofa. Is féidir gurbh é Matha Mhac Cinnéadaigh a d'athscríobh an colafon ó chuid eile den leabhar atá cailte anois, agus gur thug sé an dáta leis go contráilte: léigh Peadar Ó Gealacáin an dáta 1747 áit éigin sa lámhscríbhinn chéanna.<sup>3009</sup> Níor shásaigh an bhlogh lámhscríbhinne Nioclás Ó Cearnaigh, cibé rud é. Chuir sé litir Mhatha ar aghaidh chuig Seán Ó Dálaigh an 14 Aibreán 1845, mar aon le nóta dá chuid féin ina

---

<sup>3007</sup> LN G389(74), an 5 Aibreán 1845; Ó Buachalla (1965: 142). Is fearr go mór, áfach, an léargas a thugann an sliocht sin ar nádúr teasaí Niocláis Uí Chearnaigh ná ar áit dhúchais bhean Mhatha: Mary Finegan a bhí uirthi, ar ndóigh, agus is cosúil gurbh as an dúiche thart ar Dhún Dealgan di. Sheas cúpla duine dar shloinne Finegan le páistí Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme: féach nóta 3014.

<sup>3008</sup> COC T<sup>1</sup>59 (59), mír 1 (*a*), Matha Mórdha Ó Graeme chuig Nioclás Ó Cearnaigh, an 10 Aibreán 1845. Tá an litir i gcló in Ó Donnchadha (1939: 98). Féach nótaí 2474, 2475, áit a ndéantar plé gairid ar na colafoin in MN B1.

<sup>3009</sup> Féach an plé a rinneadh ar MN B1 mar chuid den chuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149.

meabhraíonn sé dó an dáta báis a thugann Art Mac Cumhaigh san fheartlaoi a scríobh sé ar Pheadar Ó Doirnín,

Enclosed is the sum and substance of a letter received from cousin Graham on Sunday evening. You can perceive by it that the scrap attached to it is a specimen of O'Dornin's handwriting in 1777 but I fear there is an anacronism in this or a mistake for McCooey, his elegiast, makes it as follows which is the acknowledged date ...<sup>3010</sup>

Ba dhóigh le hÓ Buachalla (1965: 143 *n.*30) go dtugann sé sin le fios dúinn gurbh é Nioclás Ó Cearnaigh an lámh ba mhó sna *Bardic Remains of Louth*: ‘Murab ionann is Kearney adúirt ná féadfadh an dáta 1777 a bheith ceart mheas Graham, deallraíonn, ná raibh éinní bun ós cionn leis an dáta san. Léiríonn san, is dóigh liom, gur beag eolas dáiríribh a bhí ag Graham i dtaobh Í Dhoirnín’. Diomaite de gur éirigh le Nioclás blogh den lámhscríbhinn a fháil ó Mhatha, bhí sé fós ag iarraidh an *Memoir* atá in COBÁC M17 a mhealladh uaidh thart faoin 16 Iúil 1845,<sup>3011</sup> agus cé nach féidir a bheith siúrailte gur scríobh siad chuig a chéile tar éis an dáta sin, d’éirigh le Nioclás Ó Cearnaigh ARÉ 24L25 (818), ina raibh na *Sketches*—an leagan garbh den bheathaisnéis sin—a chur chuig Seán Ó Dálaigh am éigin roimh an mbliain 1859.<sup>3012</sup>

Léirigh Duffy (1988: 345 *n.*10) cheana féin, gur rug Mary Finegan, bean Mhatha, ochtar páistí i \*Sr. na Cé [Quay Street],<sup>3013</sup> Dún Dealgan, ó dheireadh na bliana 1845 ar aghaidh, agus tugann na hainmneacha rómánsúla a baisteadh ar chuid acu léargas nach beag dúinn ar thuairimí polaitiúla Mhatha go deimhin: Douglas Henry Graham

---

<sup>3010</sup> LN G389(75), an 14 Aibreán 1845; Ó Buachalla (1965: 143).

<sup>3011</sup> Féach LN G389(78), an 16 Iúil 1845, litir atá i gcló in Ó Buachalla (1965: 144),

I beg to acknowledge your favour of the 14th inst. and to assure you that I shall leave nothing undone to urge Mr. Graham to forward the sketch alluded to. I have no means at present of furnishing it myself as Mr. Graham has most of my MSS. and particularly the one in which is O'Dornin's memoir. I do not know why he takes it upon himself to keep these MSS. from me except he fears that I am about leaving the country and that I might be disposed to leave them to some other person.

<sup>3012</sup> Féach Ó Buachalla (1965: 148).

<sup>3013</sup> Níl leagan oifigiúil Gaeilge ar fáil de *Quay Street*, agus chum mise an leagan seo. Ní bhacaim leis an leagan Béarla a thabhairt idir lúibíní cearnacha amach anseo.

(1845), Anne Jane Graham (1847), Marianne Graham (1849), Malcolm Douglas Oscar Graham (1853), Catherine Honora Graham (1854), Joseph Theobald Graham (1856), Mary Aloysius Graham (1858), agus Rose Julia Graham (1859).<sup>3014</sup>

Taispeánann *Luacháil Griffith* (1854) go raibh ceithre teach aige i \*Sr. na Cé, agus go raibh ceann acu á ligean ar cíós aige don R.I.C. Bhí Matha fós ag obair mar innealtóir sibhialta suas go dtí an bhliain 1858, nuair a fuarthas réidh leis na *Turnpikes*.

Diomaite de nach fios dom gur thóg sé a chuid páistí le Gaeilge,<sup>3015</sup> choinnigh Matha spéis éigin sa teanga: scríobh sé liostaí d’ainmneacha plandaí agus de ghalair choitianta amach i dteangacha éagsúla—Béarla, Gaeilge, Laidin, agus eile—sa bhliain 1856.<sup>3016</sup> Thagair O’Donoghue (1912: 167) do leabhar a scríobh Matha, *The Landlord and Tenant, or the Effect of Church and State United*, a bhí i gcnuasach leabhar Anne Jane Carroll am éigin i dtús na 20ú hAoise; ba dhóigh le Duffy (1988: 349 n.31) nár foilsíodh é riamh, agus go bhfuil sé caillte, ach tá sliocht gairid agus

---

<sup>3014</sup> Tugadh an t-eolas seo uilig cheana in Duffy (1988: 345 n.10). Phós Matha Mórdha Ó Graeme a bhean chéile, Mary Finegan, i nDún Dealgan ar an 22 Samhain 1844, agus rug sí ochtar páistí. Tá tuairisc orthu i *gClár na mBaistí, Dún Dealgan*, 1845-68, ar seanchóip é den bhunchlár, atá caillte:

‘23 [Samhain 1845]. Douglas Henry of Mathew Moore Graham & Mary Finegan. SS Edward M<sup>c</sup>Ardle and M. Jane Finegan. Quay St.’

‘3 [Deireadh Fómhair 1847]. Anne Jane of Math Graham, Mary Finegan. SS John Murphy, Ann Finegan’.

‘7 [Márta 1849]. Marianne of Math Graham & Mary Finegan. John Caragher & Cath Smith. Quay’.

‘Jan<sup>y</sup> 19 [1853]. Malchom Douglas Oscar of Math Graham & Mary Finegan. SS. Patrick Conlon & Elitia Caragher. Quay St.’

‘Octr. 1 [1854]. Catherine Honora of Mathew Moor Graham & Mary Finegan. SS. Joseph Clarke & Mary Smith. Quay’.

‘Nov. 1 [1856]. Joseph Theobald of Mathew Graham & Mary Finegan. Quay St. S.S. Michael Dermond \Dimond/ & Mary Dermond \Dimond?/. [Tá na breiseanna seo i lámh eile].

‘April 3 [1858]. Mary Aloysius of Mathew Graham & Mary Finegan. S.S. Joseph Kelly & Anne Smyth. Quay St.’

‘11 [Meitheamh 1859]. Rose Julia of Mathew Graham & Mary Finegan. Quay. S.S. Mathew Augustus Graham & Anne Jane Graham’.

Is fiú a lua gur shínigh Douglas Malcolm Oscar Graham COBÁC M22, lámhscríbhinn a bhí i gcnuasach Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, ach ní fios dom cá fhad a mhair sé.

<sup>3015</sup> Ní raibh Gaeilge ag Anne Jane Carroll, de réir *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1901.

<sup>3016</sup> Féach COBÁC MA4.



nóta mínithe ar an saothar i gcló ar an *Dundalk Democrat*, an 7 Deireadh Fómhair 1865, ar fiú cuid de a thabhairt,

THE IRISH LANDLORD AND TENANT OR THE EFFECTS OF  
CHURCH AND STATE UNITED,

This is the title of Mr Mathew Moore Graham's work to which we briefly alluded last week. He handles the two great grievances of Ireland—the land laws and the Established Church—in a very vigorous manner, pointing out the damage inflicted by the former in expelling the people from their native country, and degrading those who are permitted for a time to remain at home; and the terrible scourge the Church has been to the country in sustaining sectarian strife. ...

Mr Graham has done his part, ... and we hope it will be soon published and placed in the hands of the millions... and if we are not mistaken, the sale of this work would be very large, if it were once published. On the subject of the alien Establishment he says—

‘Now while for hire some critics will essay  
That I but lead the public mind astray,  
Yet I reply, and with due respect,  
Must beg to tell them they should recollect,  
That Church and State are so closely intertwined  
That one without t'other can[']t be defined,  
That this same church was planted in the land,  
By every means that sa[t]an cou'd command,  
By bullets, bayonets, axes, blocks, and halters,  
By dirks and daggers and demolished altars,  
That tenant wrongs are ruled by laws o[f] state  
And often influenced by religious hate,  
And yet this church must be upheld, and hence  
All state laws have subserved it ever since  
King Henry's time until the present day;  
By every wrong they still uphold its sway:  
Though they to spread it leave no means untired  
And strain the laws to crush the people's side,  
Yet lords and ladies every day secede  
Renounce the new and join the ancient creed[']’.<sup>3017</sup>

---

<sup>3017</sup> *Dundalk Democrat*, an 7 Deireadh Fómhair 1865.

Ba chróga an seasamh a ghlac sé in aghaidh an Stáit, in aimsir na bhFíníní, cuimhnítear air, agus is spéisiúil a chuid cainte a chur i gcomórtas le tuairimí polaitiúla Niocláis Uí Chearnaigh. Chuir Matha rann Gaeilge agus nótaí i dtaobh a athar in COBÁC M10 sa bhliain 1869.<sup>3018</sup> Is beag staidéar atá déanta ar na blianta deireanacha de shaol Mhatha, áfach, agus is dóigh go raibh sé fós ag cur spéis i gcúrsaí Gaeilge: scríobh Ó Muirgheasa (1939: 183) go gcuireadh sé aistriúcháin Bhéarla agus Ghaeilge chuig na páipéir nuachta, agus gur foilsíodh cuid dá shaothar ar an *Tuam News*. Ba dhóigh le Anne Jane Carroll go mbíodh Matha agus an tArd-Easpag John MacHale i dteagmháil lena chéile, agus d’aimsigh Énrí Ó Muirgheasa litir dar dáta an 5 Samhain 1868 ón Ath. Uileog de Búrca (Ulick J. Burke) i lámhscríbhinn de chuid Mhatha.<sup>3019</sup> D’aistrigh Matha agus a bhean Mary ó \*Shr. na Cé go ‘Lisdoo Cottage’, An Lios Dubh, gar do Dhún Dealgan, áit a raibh cónaí orthu sa bhliain 1867;<sup>3020</sup> fuair Mary bás sa teach sin ar an 17 Nollaig 1872.<sup>3021</sup> Ní heol dom go raibh duine ar bith dá bpáistí fós beo—nó sa tír, cibé rud é—faoin am ar cailleadh Mary, seachas Anne Jane Graham; phós sise Patrick Carroll sa bhliain 1881.<sup>3022</sup> D’éag Matha go tobann ag ‘Mr. Miller’s’, Béal Átha Beithe, Co. Mhuineacháin, ar an 1 Eanáir 1882.<sup>3023</sup> Taom croí a thug a bhás. Aistríodh a

<sup>3018</sup> Féach nóta 2967 thuas.

<sup>3019</sup> Féach Morris (1938: 120). Bhain an tAth. Uileog de Búrca le Coláiste Iarlatha, agus bhí aithne aige ar scríobhaí eile ó Cho. Lú, Séamus Ó Dobhailín (*q.v.*).

<sup>3020</sup> *Calendar of Wills and Administrations, Wills*, 1867, lch 269,

O CALLAGHAN Michael. 8 July. The Will of Michael O’Callaghan late of Dundalk County Louth Yeoman deceased who died 21 June 1867 at same place was proved at Armagh by the oath of Mathew Moore Graham of Lisdoo (Dundalk) in said County Civil Engineer one of the Executors.

<sup>3021</sup> *Dundalk Democrat*, an 28 Nollaig 1872, ‘Dec. 17, at Lisdoo Cottage, Dundalk, Mrs. Mary Graham, wife of Mathew Moore Graham, Esq., C.E., deeply regretted by her many sorrowing friends. May she rest in peace’.

<sup>3022</sup> Féach nóta 2975.

<sup>3023</sup> Cláraíodh an teastas (*OAC*, Cláruimhir: 5997642) san áit a bhfuair sé bás—agus tá sé curtha síos d’Aontas Bhaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin dá bharr sin: Mathew Moore Graham, suirbhéir, 75 bliana d’aois, baintreach fir. Thug Hugh Swanzy, Esqr, Cróinéir Cho. Mhuineacháin, na sonraí i dtaobh a bháis don chlárúitheoir áitiúil ar an 13 Eanáir 1882.

chnuasach leabhar go dtí teach ósta a iníne, Anne Jane Carroll—fágaimis faoi Énrí Ó Muirgheasa (1939: 184) an scéal cáiliúil a phlé,

Ar bhfághail bháis dó san bhln. 1882, bhí bocsa mór lán de láimhsgríbhní aige, do réir an sgéil mar fuaireas fhéin é ón a inghin, bean Uí Chearbhaill, a bhí na cómhnuidhe san Blackrock Hotel, Blackrock, áit atá trí mhíle ó dheas ón tSráid Bhaile. Mar bhíodh a lán stráinséirí isteach is amach san toigh ósta chuir Bean Uí Chearbhaill an bocsa mór isteach i seomra iadhta le súil is go mbéadh sé slán annsin. B'éigin beirt fhear a chur leis dá iomchur suas an staighre bhí sé comh trom sin. Ach bhí bitheamhnach cailín aimsire aici san toigh ósta, agus nuair a bhéadh easbhaidh páipéir uirthi-se leis na teintreacha a lasadh bhaineadh sí feidhm gan fhios do bhean a' toighe as na sean-leabhraí dubha ins an bhocsa, agus nuair a tháinig Bean Uí Chearbhaill uirthi bhí na láimhsgríbhní beag nach uile dóite aici. Níos lugha ná duisín aca a bhí fágtha. Thug Bean Uí Chearbhaill iad seo damhsa san bhln. 1902.<sup>3024</sup>

**2.174. Eoin Ó Gribín, fl.1798-9**

[? John Gribben]

**ARÉ 24P10 (96).** Cuid di. ‘Bás an Mhacaimh Mhóir’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Eachtra Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, ‘Cath Cnucha’, iomarbhá idir Cathal Mag Ruaidhrí agus Seághan Ó Birnn, dán le Cathal Mag Ruaidhrí, Parson Brady [= Philip Mac Brádaigh], Eoghan Mac an Bhaird, ‘Craobhsgaoileadh Catha Maighe Mucraimhe’, ‘Bruidhean Chaorthainn’. \*Baile Mhic Gríocháin [Ballymagreehan],<sup>3025</sup> An Dún 1798-9.

**LPBF 13.** ‘Sailm na Marbh i nDán’, Teagasc Críostaí, ‘Deilbh nó Ord Coitcheana an Aifrinn i nGaeilg’. \*Baile Mhic Gríocháin [Ballymagreehan], An Dún 1798.

**LBO Ir.e.4 (a) (16).** Laoithe fiannaíochta, dánta le Pádraig Mac a Liondain, Ragnall Dall Mac Domhnaill, Peadar Ó Doirnín, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, ——— Ó Flaithbheartaigh, Séathrún Céitinn, ‘Oidhe Chloinne

<sup>3024</sup> Ó Muirgheasa (1939: 184).

<sup>3025</sup> Tá litrithe Eoin é féin go mór trína chéile—féach, mar shampla, ‘Balla bhúi Ghreicion’ in ARÉ 24P10 (96), agus eile—agus ó tharla nach bhfuil leagan dearbhaithe den logainm seo, Ballymagreehan, ar fáil, cloím lena bhfuil molta in Ó Baoill (2007: 81 n.8).

hUisneach’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’,  
dánfhocail, ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’, ‘Fuatha Mhic na  
Míchomhairle’, trácht ar Chíos Mhig Mhathghamhna, dán naomhsheanchais,  
agus nótaí ar naoimh agus ar ríthe, ginealach Naomh Molaise. 1799.

Tá peannaireacht Eoin Uí Ghribín thar a bheith neamhghalánta agus garbh. Ba dhóigh le duine go raibh brú ama nó easpa foighne air agus é ag grafadh na dtrí lámhscríbhinn dá chuid a tháinig anuas chugainn. Scríobhadh na trí lámhscríbhinn seo in achar gearr idir na blianta 1798 agus 1799, agus luaitear \*Baile Mhic Gríocháin [Ballymagreehan] mar log scríofa in dhá cheann acu. Tá dhá bhaile fearainn ar a dtugtar ‘Ballymagreehan’ i gCo. an Dúin faoi láthair—ceann acu i dtuaisceart an chontae i bparóiste Bhaile Nua na hArda, agus ceann eile i bparóiste Dhroim Gualann, gar do Bhaile Mhic an Bhaird. Ar na hábhair a luafar sa chuntas seo thíos, is cosúil gurbh i bparóiste Dhroim Gualann a bhí cónaí ar an scríobhaí. De na trí lámhscríbhinn, is í LPBF 13 an ceann is tábhachtaí ó thaobh an ábhair de, óir is é rud atá inti, Teagasc Críostaí a réitigh Eoin Ó Gribín é féin, is cosúil. Déantar staidéar ar an saothar seo i dtráchtas M.A. neamhfhoilsithe, McAleenan (1990).

Filíocht na 18ú hAoise, laoithe fiannaíochta, agus scéalta rómánsaíochta is mó atá sa dá lámhscríbhinn eile, ARÉ 24P10 (96) agus LBO Ir.e.4 (a) (16). Scríobh Eoin a chuid de ARÉ 24P10 (96) idir na blianta 1798 agus 1799. Tá cuid mhaith den sórt filíochta sin in LBO Ir.e.4 (a) (16) a gcuirtear spéis inti in Oiriaila san 18ú hAois, dánta le Peadar Ó Doirnín agus Ragnall Dall Mac Domhnaill san áireamh; thug Ó Cuív (2001: 34) le fios sa chuntas a scríobh sé ar an lámhscríbhinn seo gur baineadh cuid den ábhar as LN G1304 agus ARÉ 24P4 (92), dhá sheanlámhscríbhinn a grafadh in Oiriaila sna blianta 1681[?/2 ?] agus 1687 faoi seach. Chonaic muid sa chuntas ar Phádraig Ó Brinn (*q.v.*), Doiminiceach ó pharóiste Chill Chua, Co. an Dúin, gur leis

ARÉ 24P4 (92) sa bhliain 1795, ceithre bliana sular bhain Eoin a chóip den trácht ar Chíos Mhig Mhathghamhna agus ábhar cráifeach aisti. Tá paróiste Chill Chua agus paróiste Dhroim Gualann ag críochantacht ar a chéile, agus dhealródh sé gurbh i \*mBaile Mhic Gríocháin [Ballymagreehan] pharóiste Chill Chua a bhí Eoin idir na blianta 1798 agus 1799. Luadh sa chuntas ar Shéamus Ó Brinn (*q.v.*) go bhfuair sé [? ar iasacht] dhá lámhscríbhinn a bhfuil baint acu le Pádraig Ó Brinn agus le hEoin Ó Gribín, ARÉ 24P4 (92), agus lámhscríbhinn de chuid Eoin é féin, LBO Ir.e.4 (*a*) (16). Léiríonn an méid sin go raibh ceangal ag Eoin Ó Gribín le Doiminiceach ó dheisceart Cho. an Dúin, gur cosúil go raibh cónaí air sa dúiche chéanna, agus go raibh spéis nár bheag aige in ábhar cráifeach.

B'fhéidir nach mór an t-iontas é gur thuairimigh Ó Buachalla (1968: 13) gur bhall den chléir é Eoin, tharla go bhfuil tagairt againn i saothar O'Laverty (1878: 39-40) do bhráthair darbh ainm John Gribben, O.P., a bhí lonnaithe i bparóiste Chill Chua i lár na 18ú hAoise,

There is also preserved [i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí] a report, signed "R. Phipps, Minister," made in 1766 to the clerk of the House of Lords, which gives the number of Protestants and Popish inhabitants in the parish of Kilcoo—["]Protestants, 496; Papists, 2,174. Robert Taylor, 1 popish priest: Charles Murtough, 1 do.; John Gribben, 1 fryar; Papists, 2,177." The "Popish Fraternity" were the Dominicans of Villa Nova, who, about 1750, ... established themselves in Moneyscalp... Dr. Thomas de Burgo... in his "Hibernia Dominicana," says:—"The members of this convent in the year 1756 are—R. Father, Preacher-General, Brother John Gribben, Prior, in the 54th year of his age and the 27th of his profession; Father Brother Heber Magennis...; and Father Brother James Hillon..." In 1766, Friar Gribben was residing in the parish of Kilcoo. He died in the house of a namesake and relative of his in Wateresk.<sup>3026</sup>

<sup>3026</sup> O'Laverty (1878: 39-40). Ciallaíonn sé sin nach féidir linn a bheith cinnte go raibh cónaí ar an mbráthair seo i \*mBaile Mhic Gríocháin riamh, ná gur mhair sé i bhfad i ndiaidh 1766. Ní dhéantar tagairt don scríobhaí seo a bheith ina shagart sa bhrollach a cuireadh le hÓ Buachalla (1962: x, 9-10), agus ó tharla go luann Ó Buachalla leabhar O'Laverty (1878) sa leabharliosta in Ó Buachalla (1968)—an saothar inar áitigh sé gur chléireach é Eoin Ó Gribín—is é is dóichí gurbh ann a fuair sé a chuid eolais.

Tá an chuma air seo, ar an gcéad léamh, gurb é an Doiminiceach sin an scríobhaí seo againn, ach is eol dúinn, ar fhaisnéis an chuntais chéanna, gur rugadh é thart ar an mbliain 1702 (O’Lavery 1878: 39). Dá nglacfaí leis sin, bheadh orainn a áiteamh go raibh an scríobhaí tuairim is 97 mbliana d’aois nuair a scoir sé de ARÉ 24P10 (96) agus LBO Ir.e.4 (a) (16) a scríobh, rud a chuireann go tréan in aghaidh na tuairime sin.<sup>3027</sup> Murab aon duine amháin Eoin Ó Gribín agus an Doiminiceach, is féidir go raibh páirt éigin aige leis, tharla go ndeir James O’Lavery san áit chéanna gur cailleadh an bráthair i dteach ‘John Gribben’ eile, duine muinteartha leis. Tá Ó Baoill (2007: 81) in amhras go bhfuil Eoin Ó Gribín, an scríobhaí, le ceangal leis an mbráthair,<sup>3028</sup> agus tuairimíonn Ó Duibhinn (1997: 441) gur mháistir scoile é Eoin.<sup>3029</sup>

## 2.175. Séamus Ó Gribín, fl.1696-9

**ARÉ 24L17 (127).** ‘Eochairsgiath an Aifrinn’. 169<sup>8</sup>/<sub>9</sub>.<sup>3030</sup>

**LNA 33.4.11.** ‘Foras Feasa air Éirinn’. 169<sup>5</sup>/<sub>6</sub>. [Do *Patrick Logan*].<sup>3031</sup>

<sup>3027</sup> Níl sé éasca a chreidiúint go mbeadh seanfhear a bhí gar don chéad in ann lámhscríbhinn a ghráfadh leis an luas láimhe a mheabhródh an stíl pheannaireachta dúinn, ná go mbeadh de neart ann brú síos ar an bpeann chomh dian agus a rinne an scríobhaí seo. Gheofar sampla dá pheannaireacht iontach trom ó LBO Ir.e.4 (a) (16) in Ó Cuív (2003: [1]), pláta 1.

<sup>3028</sup> Ba é Breandán Ó Buachalla (1968: 13) an chéad duine a thuairimigh sin, ach tá Ó Baoill (2007: 81) go mór in amhras faoi: ‘Níltear cinnte an ionann eisean agus an Doiminiceach John Gribben’. Téann dhá rud in aghaidh na tuairime sin: (1) a aois—féach nóta 3027; agus (2) nach ndeirtear in aon cheann de na lámhscríbhinní gur sagart a bhí ann.

<sup>3029</sup> Is fiú trácht ar phointe amháin eile a luann Ó Duibhinn (1997: 441): ‘Seosamh Laoide had at one time in his possession a manuscript of an Ossianic tale rewritten in Ballymagreehan’. Sna nótaí a thugann Ó Duibhinn (1997: 481 n.47), luann sé an fhoinsé ina bhfuair sé an t-eolas seo, alt a scríobh Seosamh Laoide, *An Claidheamh Soluis*, an 31 Deireadh Fómhair 1908. San alt sin, luann Laoide gur chuir sé scéal fiannaíochta in eagar ó lámhscríbhinn a grafadh i \*mBaile Mhic Gríocháin [Ballymagreehan]. Ní shonraíonn sé áit ar bith gur leis an lámhscríbhinn seo, áfach, agus is dóigh gurb í ARÉ 24P10 (96) an lámhscríbhinn a bhí ar intinn aige. Luann Ó Muirgheasa (1936: 274, 276) an lámhscríbhinn seo i leabhar dá chuid.

<sup>3030</sup> Is aisteach an plé a dhéantar san *R.I.A. Cat.*, 376, anseo: ‘... 1698 (under 8 is written 9, which is crossed through)’. Níl amhras dá laghad orm nach bhfuil i gceist leis an scríob bheag atá tríd an uimhir 9 anseo ach ciúta [sa bhrí: *flourish*], agus gur ag tabhairt an dáta de réir na seanstíle agus na stíle úire a bhí an scríobhaí, tharla gur críochnaíodh an lámhscríbhinn idir an 1 Eanáir agus an 25 Márta: ‘<A>rna sgríobhadh le Semus Ó Gribin an ceathrom[h]adh la don mhídh Mháirta an bhlíghain d’Aoís ar tTighearna 169<sup>8</sup>/<sub>9</sub>’.

Chuir Cunningham & Gillespie (2000: 150-2) i gcló litir ó lámh Patrick Logan atá istigh le LNA 33.4.11, rud a scríobh sé sa Lorgain, Co. Ard Mhacha, ar an 17 Lúnasa 1696.<sup>3032</sup> Is luachmhar an cháipéis í ó thaobh stair na lámhscríbhíne de, óir léiríonn sí gurbh é Patrick Logan é féin a dhíol le Séamus Ó Gribín as an leabhar a scríobh corradh agus cúig mhí roimhe sin. Chuir Séamus an lámhscríbhinn i gcrích ar an 14 Márta 1696.<sup>3033</sup> Tagraíonn Patrick Logan ar bhealach ginearálta don scríobhaí ina litir,

It was written by one whose greatest part of learning consists in his mother's tongue, i.e. the Irish. ... my being at the expense of getting it copied and sent to your hands ...<sup>3034</sup>

Deir Ó Baoill (2007: 79) gur ghraf Séamus Ó Gribín LNA 33.4.11 sa Lorgain, ar fhaisnéis na litreach a scríobh Patrick Logan, is dóigh. Cé nach mbeinn sásta glacadh leis, ar an ábhar sin amháin, gur grafadh LNA 33.4.11 sa Lorgain, is dóigh gur bhain Séamus Ó Gribín leis an dúiche thart ar an mbaile sin. Ní léir go bhfuarthas eiseamláir na cóipe seo de 'Foras Feasa air Éirinn' ó chnuasach Airtiúir Mhic Airtiúir Brownlow ag a raibh seanchóip den saothar sin,<sup>3035</sup> mar a thuairimigh Cunningham & Gillespie (2000: 146-7). Léiríonn sé sin, ar a laghad, go raibh fáil ar an téacs sa dúiche sin i dtreo dheireadh na 17ú hAoise, rud a threisíonn giota beag an argóint gur bhain Séamus leis an taobh sin tíre. Is spéisiúil an tagairt a dhéanann Cunningham & Gillespie (2000: 146) do thionónta darbh ainm Manus Gribin a bhí

---

<sup>3031</sup> Tugtar cuntas áisiúil ar an máistir scoile seo, agus an spéis a bhí aige i gcúrsaí staire agus seandálaíochta, in Cunningham & Gillespie (2000: 146-9).

<sup>3032</sup> Tá an litir bhunaidh, a scríobhadh sa Lorgain an 17 Lúnasa 1696, istigh le LNA 33.4.11 ar f. [vi].

<sup>3033</sup> Tugtar dhá cholafon in LNA 33.4.11, f. 109v: 'An t-áonmhadh lá fithchhead do mhí Ianuary 169<sup>5</sup>/<sub>5</sub>, arna sgríobhadh do lámh Shémuis Uí Gribín'; f. 183, 'Iarna sgríobhadh le Semus Ó Gribin an ceathram[h]jadh la déag don mhí Marta 169<sup>5</sup>/<sub>6</sub>'.

<sup>3034</sup> Cunningham & Gillespie (2000: 150).

<sup>3035</sup> Féach an liosta lámhscríbhíne de chuid Airtiúir Mhic Airtiúir Brownlow a thugtar in *Archaeologia Britannica* (1706), a bhfuil athchló air in Anon. (1934). Deir Ó Baoill (2007: 79) gur scríobh Séamus Ó Gribín an leabhar seo d' Airtiúir Mac Airtiúir Brownlow ach is dearmad sin a rinneadh trí léamh gasta a dhéanamh ar a bhfuil in Cunningham & Gillespie (2000), is féidir. Maidir le hAirtiúir Mac Airtiúir Brownlow, féach nóta 1738 thuas.

ag cur faoi ar éastát Brownlow, gar don Lorgain.<sup>3036</sup> Chaith an dara lámhscríbhinn atá againn ó láimh Shéamuis, ARÉ 24L17 (127), a scríobhadh 169<sup>8</sup>/<sub>9</sub>, tréimhse i gCo. Ard Mhacha fosta, óir tá na briathra ‘Ex libris Conventus Armacani licen’ scríofa uirthi. Is ar an mbonn sin, agus ó tharla gur mhíreanna 31 agus 32 i gcnuasach leabhar nó i gceant éigin iad ARÉ 24L17 (127) agus ARÉ 24L18 (128)—a raibh nasc ag cuid (b)<sup>3037</sup> di le mainistreacha Dhún Geanainn agus Ard Mhacha—a thuairimigh Ó Maonaigh (1965: xii) go bhfuil ceangal seanbhunaithe ag an dá lámhscríbhinn seo lena chéile.

## 2.176. Mícheál Ó hAirt, fl. 1718-19

**ARÉ 23C1 (371).** Formhór di.<sup>3038</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’. Baile an Táith,<sup>3039</sup> Domhnach Phádraig, An Mhí 1718-19.<sup>3040</sup>

Dúradh cheana sna cuntais ar Sheon Mhac Solaidh agus ar Phádraig Ó Doibhlin i gCaib. 2.102, 2.148, go bhfuil cosúlacht mhór idir lámh Mhíchíl Uí Airt agus lámha

---

<sup>3036</sup> ‘Gribin’s identity is not clear. He was evidently not a professional scribe; the hand is inelegant, and there are numerous errors of transcription that the scribe corrected as he progressed. Gribin may have been a son or a brother of Manus Gribin, a middle-sized tenant on the Brownlow estate who held property at Tannaghmore, near the town of Lurgan’ (Cunningham & Gillespie 2000: 146). Maidir lena chumas peannaireachta, bhí a mhalairt de thuairim ag Mary E. Byrne; tugann sí ‘a fairly good angular script’ ar a lámh, *R.I.A. Cat.*, 376.

<sup>3037</sup> Lámhscríbhinn leis an Ath. Cormac Mac Cuan (*q.v.*), sagart i bparóiste Chill Shléibhe, Co. Ard Mhacha.

<sup>3038</sup> Ba é Mícheál Ó hAirt a scríobh an bhunlámhscríbhinn, ach dheisigh Peadar Ó Gealacáin í sa bhliain 1847, agus tá lgh 1a-5a ina lámh. Ba ó bhaintreach Phroinsias Uí Fhaircheallaigh (Francis Farrelly) a fuair Peadar í. Féach an *R.I.A. Cat.*, 1003. Tugtar cuntas gearr ar leabhair Phroinsias Uí Fhaircheallaigh i nóta 1125.

<sup>3039</sup> Tugann Mícheál Ó hAirt an leagan ‘Baile an Taich’, ARÉ 23C1 (371), lch 504. Is é sin an taifead Gaeilge is sine ar an logainm seo, go bhfios dom, agus téim leis, ach amháin gur leasaigh mé an litriú beagán. Tugtar *Taafestown* ar an mbaile fearainn seo i mBéarla, agus tá sé suite i bparóiste Dhomhnach Phádraig, Co. na Mí. Féach nóta 3965.

<sup>3040</sup> Ní thugtar ach an dáta 1719 san *R.I.A. Cat.*, 1002, ach dealraíonn sé gur scríobhadh cuid Mhíchíl Uí Airt de ARÉ 23C1 (371) idir an 18 Meán Fómhair 1718 agus an 14 Lúnasa 1719. Tugtar ceithre dháta ar leith sa lámhscríbhinn a bhaineann le saothar Mhíchíl Uí Airt—(1) tugann Peadar Ó Gealacáin ar cheann de na leathanaigh a d’athscríobh sé (lch 3a) colafon de chuid Mhíchíl Uí Airt, rud a thaispeánann gur tosaíodh ar an lámhscríbhinn a scríobh an 18 Meán Fómhair 1718; (2) ‘Ianbhar an cuigeadh la 1718’ [= an 5 Eanáir 17<sup>18</sup>/<sub>19</sub>] taobh le ‘colafon’ Shéathruin Cítinn ag deireadh an díonbhrollaigh, lch 48; tá na leathanaigh dheiridh den chéad leabhar de ‘Foras Feasa air Éirinn’ ar iarraidh; (3) ‘Finit 1719’ ag deireadh an dara leabhair, lch 471; agus (4) an 14 Lúnasa 1719 sa cholafon ar lch 504.



scríobhaithe eile ón dúiche thart ar Stigh Colláin—Henrí Mhac Muircheartaigh, Seon Mhac Solaidh, agus Pádraig Ó Doibhlin. Dheisigh Peadar Ó Gealacáin (*q.v.*) ARÉ 23C1 (371) sa bhliain 1847; fuair sé í ó bhaintreach Phroinsias Uí Fhaircheallaigh, agus diomaite de go dtugann Peadar Ó Gealacáin nóta dúinn ar an scríobhaí, tá sé le léamh air nach raibh d’eolas aige ar Mhícheál Ó hAirt ach an méid a tugadh i gcolafon na lámhscríbhinne, mar nach bhfuil agam féin.

Déantar tagairt do scoláire Gaeilge éigin darbh ainm ‘Michael H[.]rt’ i nóta déanach a scríobhadh ar chóip den urnaí ‘Marhain Veanny Phadruig’, agus í litrithe de réir an *English character*. Tá an urnaí seo in ARÉ 3C8(3) (1096),<sup>3041</sup> agus is cosúil, ar an bpeannaireacht, gur grafadh sa cheathrú dheiridh den 18ú hAois, nó sa 19ú hAois, í. Tugaimis ar dtús an nóta déanach a cuireadh léi: ‘Michael H[.]rt of Oristown transcribed this prayer about 100 years since. “Arhriye an Facchy” belongs to an old Frier’. Thuigfí ón bpeannaireacht gur scríobh Brian Ó Tomaltaigh (*q.v.*) ó Dhroichead Átha an nóta féin. Tá nóta Bhriain iontach doiléir, agus thiocthadh linn dhá rud a léamh air. Is féidir gur mheas Brian gur ghraf Michael H[.]rt an chóip áirithe sin den urnaí tuairim is 100 bliain roimhe sin (.i. sa chéad leath den 18ú hAois). Ní fíor sin, ar ndóigh, mar gheall ar aois na cóipe féin. Rud amháin eile atá soiléir ó lámhscríbhinn Mhíchíl Uí Airt, ARÉ 23C1 (371), ní bheadh air brath ar an *English character*, agus thig linn a bheith sásta nár scríobh sé an urnaí seo. D’fhéadfaí a áiteamh fosta go raibh Brian ag trácht ar chóip eile den urnaí a bhí sé tar éis a léamh, agus gurbh é Michael H[.]rt a ghraf an lámhscríbhinn ina raibh sí.

---

<sup>3041</sup> ARÉ 3C8(3) (1096), mír 7. Is cnuasach de pháipéir Niocláis Uí Chearnaigh í ARÉ 3C8 (1096), ach tá cártaí agus innéacsanna de chuid Edward O’Reilly istigh léi. Déarfainn féin gur scríobhadh an urnaí a luaitear le Michael H[.]rt, ‘Marhain Veanny Phadruig’, sa cheathrú dheiridh den 18ú hAois, nó go luath sa 19ú hAois, agus is cinnte go raibh Gaeilge an Tuaiscirt ag an té a scríobh, m.sh. ‘Cia be dearay mo warhain veanny le bean a veiv le leanaw char veagail di buaray no cruay chas gan ee fein agus a lanay hacht slan’, agus tá cuid de na nósanna litrithe anseo cosúil—abraimis nach bhfuil siad éagsúil—lena bhfuil san *English character* i lámhscríbhinn Chríostóra Aindreamha (*q.v.*), ARÉ 3C4ii (1019).

Más é sin an rud a bhí ar intinn aige, ní féidir fós a dhearbhu go raibh cónaí ar Mhícheál Ó hAirt i mBaile Orrthaidh riamh.

**2.177. Ardghal Ó hAnluain, fl.1762-4**

[Ardell Hanlon]

**ARÉ 24P7 (95).**<sup>†3042</sup> Cuid di. ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’.

**MN M103.** ‘Laoi na Mná Móire’, dánta le Fearghal Mac Bheatha, Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Ragnall [Dall] Mac Domhnaill, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Donnchadh Ó Cathasaigh, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Imtheacht na Tromdháimhe’, ‘Táin Bó Cuailnge’, dánfhocal, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruidhe’, ‘Tóraidheacht Fhiacail Ríogh Gréag’, ‘Laoi na Sealga’. 1762-4.

Ní éasca aon rud a rá go dearfa faoin scríobhaí seo, Ardghal Ó hAnluain, ach amháin nach ceist dúinn gur bhain sé le hOiriaila, ar ábhar na lámhscríbhinní dá chuid a tháinig anuas chugainn. Is féidir go raibh cónaí air gar do thuaisceart Cho. Lú, nó ar an taobh eile den teorainn le Co. Ard Mhacha, tharla go bhfuil cúpla cosúlacht idir MN M103 agus lámhscríbhinní eile a breacadh sa dúiche sin ó thaobh ábhair, peannaireachta, agus eile.<sup>3043</sup> Chuir John Arthur O’Hagan (fl.1800-19)<sup>3044</sup> a ainm le

<sup>3042</sup> Is dóigh go mór gur scríobh sé ARÉ 24P7 (95), lgh 1-19, ach cealaíodh ainm an scríobhaí sa cholafon ar lch 19. Tá a chuid scríbhneoireachta giota beag cosúil le stíl Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh, ach is fearr í ar dhóigh, agus tugann sé níos mó aird ar an bponcaíocht agus ar an leagan amach (féach na teidil reatha in ARÉ 24P7 (95), an chuid di atá ina láimh). Tréith neamhghnách a bhí ag an mbeirt acu, Donnchadh Mag Oireachtaigh agus Ardghal Ó hAnluain, is ea gur cheadaigh siad an fhoirm nua-aimseartha den chónasc *ach*, in ionad *acht*. Scríobh duine den bheirt—Donnchadh Mag Oireachtaigh, is dóigh liom go mór—cuid de COFLA D1 (*a*), mar a scríobh mé áiteacha eile; féach nóta 3322.

<sup>3043</sup> Is spéisiúil, ar an gcéad dul síos, go bhfuil cóip den leagan déanach de ‘Táin Bó Cuailnge’ sa lámhscríbhinn, leagan nua-aimseartha ar athscríobh é de Leagan IIb (Stowe), agus ar scríobhadh cúpla cóip de i gCo. Lú agus sna contaetha fá gcuaird sa tréimhse chéanna. Féach na tagairtí do shaothar O’Rahilly (1961) sa chuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149 thuas. Tá luí ar leith ag Ardghal leis an téarma ‘cléireach’, áit a mbíonn ‘scríobhnóir’ nó ‘scríbhneoir’ ag formhór mór na scríobhaithe Ultacha eile, ach amháin an dream a bhíodh ag saothrú thart ar Dhún Dealgan agus ar dheisceart Cho.

MN M103 in Iúr Chinn Trá sa bhliain 1800. Ní fios goidé a tharla don lámhscríbhinn ina dhiaidh sin, ach shroich sí Cúige Mumhan am éigin roimh 1836, áit ar athscríobhadh téacsanna aisti faoi dhó.<sup>3045</sup> Bhí lámh iontach néata ag Ardghal Ó hAnluain, agus tuiscint mhaith aige, i gcomparáid le scoláirí eile a ré,<sup>3046</sup> ar chúrsaí ortagrafaíochta. Bhain Mac Giolla Léith (1993) leas as an gcóip sin aige de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ mar fhoinsé bhunaidh nuair a bhí easnamh nó locht ar an seanleabhar meamraim a thogh sé mar phríomhfhoinsé ina eagrán den téacs. Ní heol dom cá huair a fuair Ardghal bás.

## 2.178. Labhrás Ó hArann,<sup>3047</sup> fl.1777-1809

**ARÉ 24P29 (1074).** Blogh di. ‘Laoi agus Imtheacht an Deirg’. Baile Átha Cliath [? c.1789].<sup>3048</sup> Do *Thoiridhealbhach Mhag Uidhir*.<sup>3049</sup>

---

Ard Mhacha i lár na 18ú hAoise, Eoin Mhac Cadhaidh agus Pádraig Ó Pronntaigh, mar shampla. Agus shamhlóinn a chuid peannaireachta le lámh Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh: tá cúpla nós litrithe i gcoiteann acu, mar a scríobhadh i nóta 3042 thuas. Tá ina gcuid scríbhinní cúpla téacs nach bhfuil rófhluirseach i lámhscríbhinní eile, m.sh. *A chlaoncharaid a thréig mé cionn m’fhaghail ar meisce*; féach MN M103, lch 33, agus LB Add. 18749, f. 56b, srl.

<sup>3044</sup> MN M103, lgh 71, ‘John Arthur O Hagan’; 72, ‘John O Hagan, Newry, 15th May 1800’; féach an *M.N. Cat.*, iv, 19. Is beag atá ar eolas faoi John Arthur O’Hagan (fl.1800-19) ó Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin. Bhí lámhscríbhinn aige ina raibh ‘*Oratio Funeris* Eoghain Uí Néill’, maille le haistriúchán le Pádraig Ó Loingsigh, nuair a cuireadh stair Stuart, *Historical Memoirs of the City of Armagh* (1819) i gcló (Ó Casaide 1929: 13-14); agus bhí ‘Mr. John Hagan, jun., Newry’ ina shíntiúsóir le graiméar Uilliam Mhic Néill, *An Introduction to the Irish Language* (Ó Casaide 1929: 46).

<sup>3045</sup> Tá déanta amach ag O’Rahilly (1961: lv), mar gheall ar bhearnaí atá sna trí chóip araon, gur cóipeanna iad ARÉ 23A23 (39) agus ARÉ 24B1 (234) de MN M103. Scríobh Seán Ó Dreda (*al.* Eoin Ó Dreda) ARÉ 23A23 (39) idir 1835 agus 1836, agus ghráf Peadar Ó Longáin ARÉ 24B1 (234) sa bhliain 1843. Ba as Co. Chorcaí dóibh beirt—féach Ó Conchúir (1982: 61-3, 133-41). Tugann Ní Úrdail (2000: 155-6) liosta níos iomláine de na cóipeanna de chuid leagan Stowe a scríobh baill de mhuintir Longáin i gCo. Chorcaí—baineann na cinn a bhfuil dátaí leo leis an tréimhse c.1842-4.

<sup>3046</sup> Ní hionadh go sciorrann foirmeacha canúna uaidh ó am go chéile; féach go bhfuil an chóip de ‘Táin Bó Cuailnge’ sa lámhscríbhinn seo le háireamh i measc na gceann a luann O’Rahilly (1961) a bheith truaillithe. Deir Mac Giolla Léith (1993: 34): ‘A number of dialect forms in the MS indicate that it most probably has a South-East Ulster provenance’; thuigfí sin ó ábhar eile na lámhscríbhinne fosta.

<sup>3047</sup> Deir Peadar Ó Gealacáin gur athscríobh sé an téacs, ‘Laoi Dhiarmada’, ar cuid de ‘Tóraidheacht Dhiarmada agus Ghráinne’ é ó ‘O Harah’s [...] AD 17[ ]7’, LN G200 (*a*), lch 75. Scríobh Peadar Ó Gealacáin an laoi ar an 5 Iúil 1839. Níl an laoi seo in aon lámhscríbhinn le Labhrás Ó hArann a tháinig slán chugainn, agus níl sé soiléir cé dó a raibh Peadar ag tagairt anseo.

<sup>3048</sup> Féach nóta 1978.

<sup>3049</sup> An scríobhaí Gaeilge, Toirdhealbhach Mhag Uidhir, a ndearnadh plé air i gCaib. 2.108 thuas.

**COC L8 (127).** ‘Stair Shéarlais Mhóir ag Leanmhain Choróin Chríost agus Taise na Naomh’.<sup>3050</sup> Baile Átha Cliath 1781.

**CT H.6.8 (1412).**<sup>3051</sup> Formhór di. ‘Tochmharc Fhearbhlaidhe’, ‘Duan Uí Dhubhagáin’, dánta cráifeacha, cuid acu le ——— Mac Cochláin, [Toirdhealbhadh Ó Dobhailin], Feidhlim Ó Dobhailin, Séathrún Céitinn, ginealaigh, ‘Ceasacht Inghine Guile’, ‘Scéala Muice Mheic Dá Thó’, ‘Don Modh ar Bhronn Eochaidh .i. Rí Mumhan a Aontúil don Ollamh’, ‘Don Modh ar a dTáinic an Cheas Naoidhin ar Ulltaibh’, ‘An Modh ar a bhFuair Niall Naoighiallach Ceannas Éireann roimhe an Cheath[r]ar Mac eile ba Sine nó É Féin’, scéal ar Marcolandus, nótaí ar Mhílidh Easpáine, nótaí ar an mBíobla, ‘Imtheacht Mherlino Maligno’. 1777.

**LB Eg. 161.** Cuid di.<sup>3052</sup> Dánta le Tomás Ó Bacacháin, Brian Dubh Ó Raghallaigh, Séamus Mac Cuarta, Donnchadh Mac Labhradha agus Giolla Mhuire Caoch Mac Artáin, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, an Dall Mac Muircheartaigh, Toirdhealbhadh Óg Mac Donnchadha, Aodh Mac an Bhaird, agus leis an Ath. Pádraig Ó Cuan, laoithe fiannaíochta, scéal ar San Veronica, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, bailiúchán mór de bhúrdúin agus de dhánfhocail, srl. 1778.

Cibé acu a rugadh Labhrás Ó hArann i gCo. Fhear Manach nó i mBaile Átha Cliath ní léir, ach is deimhin gur shamhlaigh sé é féin a bheith ina chomharba ar ollúnacht

---

<sup>3050</sup> Is é sin, ‘Tóraidheacht na Croiche Naomhtha’, nó ‘Stair Fierabras’. Féach nóta T. F. O’Rahilly in Ní Dhonnchadha (1943: 414-15).

<sup>3051</sup> Mar a dúradh i nóta 1982, níl ach lgh 6-106 de CT H.6.8 (1412) i láimh Labhráis Uí Arann, agus tá lgh 107-8 bán. Tá lgh 1-5, agus an chuid eile—cóip de ‘Cath Mhaighe Léana’—gan síniú, ach is dóigh gurbh é Toirdhealbhadh Mhag Uidhir a scríobh í. Ba dhóigh le Jackson (1938: xiii) gur ‘independent copies of a near common original’ í an chóip seo agus ARÉ C.vi.1(2) (936), ar scríobh Séamus Bacach Mhag Uidhir í sa bhliain 1718, ach chaith Breatnach (1990) roinnt amhrais air seo. Níl sé soiléir, cibé rud é, go raibh nasc seanbhunaithe ag an dá chuid de CT H.6.8 (1412) lena chéile. Féach Conchubhar Ó Luínín [1] thíos, mar a bhfaighfear tuilleadh sonraí.

<sup>3052</sup> Ff. 1-65.

mhuintir Luinín, an teaghlach léannta sin ónar shíolraigh sé ar thaobh a mháthar.

Léiríonn sé sin sa réamhrá breá a chuir sé lena mhórshaothar, *Geinealaighe*

*Fearmanach* [?] 1809]; agus is fiú, ar an ábhar sin, codanna de a atáirgeadh anseo thíos,

Atáimse Labhrás Ó Tháran mhic Tomáis mhic Pádrúic Mhóir mhic Toirdhealbhuicc mhic Aodha mhic Tomais mc Niocaláus mc Alasdrúin Uí Aráin, agus do thaobh mo mháthar .i. Siudhán Ní Luinín atá go líoneamhuil agus go fírinneach ó threibh do mhuintir Luinín dar dhual dhóibh féin agus dá sinsearaibh, mar a bhí Conchubhar Ó Luinín, mac Piaruis mic Giolla Phátrúig bhallaigh mc Briain mhic Corbmaic óig agus Matha Ó Luinín, an fear déoghionach dá mhuintir dhá raibh fios ná eólas air an teanngaidh na Ghaoidheilge [*sic*] aige. Air an ádhbhar sin as mise féin an toighre dlistionnach angaol dá bhfuil tuigsin air an ngaoidheilge aige, agus dár dhual agus dár dhúthchas ó'm shinsearaibh réimhráite bheith um Chroinic, ag tionnsgna an leabhairsi an bhliaghain d'aois an Tighearna M.DCC. ICIX. Asé is mian liom do thoil Dé tráchtadh air chraoibhsgaoileadh maithe agus móruaisle Chondae Fhearmanach, gach geuga agus gach gabhla dá ngabhlan uatha, ... ionnus go mbíadhse na mhonament shíorruidhe tar m'éis san cCondae chéadna...

Dá bhrígh sin as mian liom toroghadh aniu ann 29 lá fithchiod [*sic*] do mhí an Aibrain agus gan stad dhé le cóghnamh Dé go ccríochnuighiod agus go diomsaoid riom é agus talmadh a ghrásda dham a chríochnamh go deighchríochnamhuil, agus gach aon do léighfios, tugadh paittear le anam an sgríbhneóir LABHRÁS Ó THÁRAN réimhráite ó Chondae reimhraite Fhearmanach anois a ccathair Áth Cliath.<sup>3053</sup>

Is gnách go léitear 1809 ar an dáta a thugtar thuas, ach is féidir fosta go raibh 1799 i gceist ag an údar. Maithe agus móruaisle an chontae a bhí á bplé aige, gan amhras, maille le teaghlach léannta agus clanna eile, muintir Chaiside, Mhic Cába (nach

---

<sup>3053</sup> Ua Cadhla (1931: 68). D'aistrigh Ua Cadhla (1931: 62-3) an abairt fhada, '... le cóghnamh an tseanleabhair bunadhuic agus gach sgríbhinn eile dá bhfuil agam féin agus dá bhfuair mé diaidh andiaidh ar lorg mo shean agus mo shínsir agus go speisialta an Matha Ó Luinín reimhráite ag a bmínn a lán do bhlfaghnuibh attús móige a ccomhlúadar agus a cuideachta abheanas leis an ccás sin, atá aniu brisde dall, sgaoilte le rádh agus le himcéime aimsire ó do sgríobhadh iad, ...' (1931: 68) mar '... and every other writing that I myself have and that I have got, in succession to my forefathers one after another, and especially Matha Ó Luinín aforesaid, ... who is today broken and blind. . . . [something here is omitted] . . . scattered by (rádh?) and by lapse of time since they were written, ...' Is é is dóigh liom gur ag trácht ar na lámhscríbhinní a bheith briste dall a bhí Labhrás, sa dóigh gur ceart '... and all the other writings that I myself have ... which are now broken and illegible' a léamh, áfach.

samhlófaí de ghnáth le Fear Manach), muintir Mhanacháin, srl., agus is dóigh go mór go raibh sé ag tarraingt píosa maith ar ábhair a cuireadh le chéile go luath san 18ú hAois agus é á scríobh (Ua Cadhla 1931: 63). Laige amháin atá ar an téacs, an leagan de atá againn inniu, is ea go bhfuil neart bearnaí agus earráidí san aon chóip amháin a tháinig anuas chugainn.<sup>3054</sup> Is beag nach cinnte gurb ionann an Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín a luadh sa ghinealach thuas agus an scoláire Gaeilge a bhí ina ollamh ag muintir Mhig Uidhir, agus a bhreac baclainn lámhscríbhinní idir 1631 agus 1654.<sup>3055</sup> Scríobhadh ceann acu do Bhrian mac Conchubhair Mhodartha Mhig

<sup>3054</sup> Níl ach cóip amháin den téacs againn anois, CF 6 (a), agus sin i láimh Phóil Uí Longáin. Tá an marc uisce ‘1842’ ar lch 9 den chuid seo, agus tá cóip de ‘Stair Éamuinn Uí Chléirigh’, lena ngabhann an dáta 1842, i láimh Phóil i gcuid (b) den lámhscríbhinn sin.

<sup>3055</sup> Luaigh mé i nóta 1936 gur dóigh gurbh aon duine amháin an t-ollamh sin *Giolla Phádraig Ó Luinín* (1631) ó Ard Uí Luinín, dá dtugadh Brian Mag Uidhir (*ob.*1633) cothú, agus an *Pádraig Ballach Ó Luinín* (1638) a bhí ina ollamh faoi Bhrian Mag Uidhir (*ob.*1655). Is fiú na tagairtí a thabhairt arís. Ba dhóigh le Simms (1998: 275) agus le hÓ Baoill (2007: 82) gurbh aon duine amháin iad. Taobh amuigh den ghinealach a thug Labhrás Ó hArann in *Geinealaighe Fearmanach*, tá cúig nó sé thagairt eile againn do Ghiolla Phádraig Ballach Ó Luinín,

(1) Giolla Phádraig Ó Luinín, a chuidigh leis na Ceithre Máistrí, 1631.

Luaitear i leagan Uí Chléirigh den ‘Leabhar Gabhála’ gur chuidigh Giolla Phádraig Ó Luinín leis na Ceithre Máistrí, idir an 22 Deireadh Fómhair 1631 agus an 22 Nollaig 1631, an saothar a ghlanadh. Féach an réamhrá atá i gcló in O’Curry (1861: 553-4). De bhreis ar an méid seo, shínigh Giolla Phádraig Ó Luinín ó Ard Uí Luinín teastas chun na críche sin am éigin i lár na 18ú hAoise, rud atá i gcló in Breatnach (2010). Tá an t-aon chóip amháin de na teastais atá againn in ARÉ 23K45 (b) (481), lámhscríbhinn a ghráf Séamus Bacach Mhag Uidhir. Tugtar plé gairid ar an lámhscríbhinn seo i nóta 1970.

(2) Pádraig Ballach Ó Luinín, a ghráf cuid de sheanleabhair Thulaigh Mhaoil, 1638.

Ba é Brian mac Con Chonnacht Mhig Uidhir (*ob.*1655) a dhíol lena ollamh, Pádraig Ballach Ó Luinín, as na lámhscríbhinní seo a ghráfadh. Tá cóipeanna [? de chuid] de na lámhscríbhinní seo in ARÉ C.vi.1 (936). Féach an réamhrá a cuireadh le ARÉ C.vi.1(1) (936), lch 1, ‘...tug mac Mheguidhir .i. Brian mac Cu C[h]onnacht fa deara a tharraing dhó féin a tTulaigh Mhaoil an bhliadhain d’Aois an Tighearna 1638, áit ar chruinnidh se leabhair Uí Chléirigh, Uí Dhuibhgeannan, 7 Uí Mhaoil Chonaire rena theachtaoibh 7 rena litreachaibh chuige, 7 tug a ollamh féin .i. Pátraig Ballach Ó Luinín dá ionnsaidhe 7 Brían Óg Ó Cíonán sgríbhneóir ionmheasda don tír; go ttug fa deara an leabhar so do sgríobha dhó le morán grinnill 7 géar-choimhéada as na leabhraibh adúbhramur mar áon re Saltair Cháisil 7 Teamhrach, ionnas gurab é aon leabhar bá mó meas fírinne 7 glaneólais da ráibhe san ccóigeadh é’. Tá an méid seo i gcló san *R.I.A. Cat.*, 2699, agus in Ó Lochlainn (1939: 187).

(3) Giolla Phádraig Ó Luinín, a réitigh leagan próis de dhán le Seán Ó Dubhagáin do Bhrian Mag Uidhir, 1638.

Ba le haghaidh an phátrúin chéanna agus é siúd a luadh in (2) a scríobh Giolla Phádraig Ó Luinín an leagan próis de *Triallam timcheall na Fodhla* sa bhliain 1638, mar a deirtear linn in ARÉ C.vi.1(2) (936), lch 447. Is ar an ábhar sin is féidir a rá gurbh aon duine amháin *Giolla Phádraig Ó Luinín* agus *Pádraig Ballach Ó Luinín*.

(4) Pádraig Ballach Ó Luinín, a ghráf cnuasach ginealach, 1641.

Níl an lámhscríbhinn againn, ach luaitear í mar eiseamláir in ARÉ 23E18 (997), an cnuasach ginealach a ghráf Séarlas Ó Luinín (*q.v.*) ó Ard Uí Luinín sa bhliain 1712 [? i mBaile Átha Cliath]. Tagraíonn sé do sheanleabhar a scríobh Pádraig Ballach Ó Luinín: ‘Atáimsi Patruic Ballach O Loinnín .i. Ard-Ollamh Choigeadh Ulladh 7 Eirionn ag athnughadh an gheniolaigh ... o leabhruibh na

Uidhir ó Thulaigh Mhaoil Cho. Fhear Manach ar a laghad,<sup>3056</sup> agus bhí scoláirí darbh ainm Conchubhar Ó Luinín (*qq.v.*) ag cóipeáil leabhar sa dara leath den 17ú hAois fosta.

Ina eagrán siúd de *Geinealaighe Fearmanach*, deir Ua Cadhla (1931: 63) go luann an t-údar, Labhrás Ó hArann, ‘seanleabhar bunadhais’ ar ar tharraing sé go mórmhór agus é á scríobh, agus is cosúil, dar le hUa Cadhla (1931: 63), gur bunaíodh cuid mhaith den saothar ar ábhair a cuireadh le chéile i dtús na 18ú hAoise. Is dóigh leis fosta gur féidir a áiteamh, ar an ábhar go bhfuil ginealach Rí Shasana, Séamus II (VII) (*ob.*1701) sa lámhscríbhinn, gur cuireadh tús leis na ginealaigh seo a chur le chéile roimh an mbliain 1701.<sup>3057</sup> Thuigfí, ar ghrinne an eolais a thugtar i dtaobh bráthar amháin go raibh cuid eile den ábhar á cur le chéile go gairid i ndiaidh 1712; nó luaitear an Br. Doimínic mac Con Chonnacht Mhig Uidhir ‘do chuaidh ann a Rómha Marta 23, 1712’ (Ua Cadhla 1931: 63, 102). Ar scáth a ndeir Labhrás é féin, is dóigh gur dhuine de mhuintir Luinín a bhí ag obair ar na dréachtaí *c.*1701–*c.*1712. Mar gheall ar na dátaí seo, an teaghlach lenar bhain sé, agus an ceangal a bhí ag Labhrás é féin le Baile Átha Cliath, bheifí ag déanamh amach ar an gcéad léamh

---

sio[n]sear do bhídh romham a scríobhtha a nArd Ui Luinnín ’mbolg an Innis M[h]óir *air* Loch Éirne ... Míle sé chead, aon 7 dha fhithchead. Pa: O Luinnín’, ARÉ 23E18 (997), lch 178.

(5) Giolla Phádraig Ó Luinín, a ghraf seanlámhscríbhinn ina raibh ‘Beatha Phádraig’, 1654.

Lámhscríbhinn chailte, a bhí i seilbh Mhuiris Uí Ghormáin ar an 22 Nollaig 1761, atá i dtrácht anseo; is í mír 56 sa chatalóg sin í. Féach Ní Mhungaile (2008: 92; 2010: 272): ‘An old book in 4to ... wrote in ... 1654 as in page 30. At page 13 Beatha Phadruig begins ..., wrote by Giolla Padruicc a Luinin ...’ Is dóigh nach raibh ach aon saothar amháin inti.

(6) Scríobhaí ARÉ 24P12 (90).

Níl ainm scríobhaí le ARÉ 24P12 (90), ach d’áitigh Breatnach (1990) fosta gur scríobh Giolla Phádraig Ballach an lámhscríbhinn sin am éigin idir 1638 agus 1648. Tugtar beagán eolais faoin lámhscríbhinn seo sa chuntas ar Chonchubhar Ó Luinín [1] i gCaib. 2.187, nótaí 3257, 3258 ach go mórmhór.

<sup>3056</sup> Féach nóta 1936, ina dtugtar cuntas ar an triúr pátrún darbh ainm Brian Mag Uidhir; agus nóta 3055, ina dtugtar beagán eolais ar na tagairtí atá againn do lámhscríbhinní Ghiolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín.

<sup>3057</sup> Tugtar Rí Shasana ar Shéamus II (VII) sa lámhscríbhinn, agus cé gur díchorónaíodh é sa bhliain 1688, agus gur theith sé chun na hEorpa sa bhliain 1690, ní féidir a rá gur tosaíodh ar an obair roimh an mbliain sin, óir lean an gradam sin é, dar lena lucht tacaíochta, go lá a bháis, agus tugadh urraim den chineál céanna dá mhac, Séamus III, an *Stuart Pretender*.

gurbh é Séarlas Ó Luínín (*fl.*1708-38) a chéadscríobh cuid den ábhar, ach ní dóigh é.<sup>3058</sup>

Bhí scoláirí Gaeilge eile dar shloinne Ó Luínín bisiúil thart faoin am sin:

Conchubhar Ó Luínín [1] (*fl.*1676-1712), agus Conchubhar Ó Luínín [2] (*fl.*1693-1710). Bhí Conchubhar Ó Luínín [2] ag scríobh i gCo. Liatroma sa bhliain 1693; is féidir, mar a deirtear sa chuntas air i gCaib. 2.188 thíos, gur gharmhac le Conchubhar Ó Luínín [1] é Labhrás Ó hArann. Léifí ar chosúlachtaí idir lámhscríbhinní Labhráis Uí Arann, Chonchubhair Uí Luínín [1], agus Ghiolla Phádraig Bhallaigh Uí Luínín, gurbh iad Conchubhar agus Giolla Phádraig Ballach an bheirt fhear darbh ainm sin a luaitear i nginealach Labhráis Uí Arann thuas. B'fhéidir go léifí ar chaint Uí Chadhla (1931: 63) gur beag a cuireadh leis na dréachtaí seo in aimsir Labhráis, agus gurbh é an chomaoin ba mhó a chuir sé ar an saothar an t-ábhar a leagan amach. Ní fíor sin ach oiread.

Chonaic muid sa chuntas ar Thoirdhealbhach Mhag Uidhir i gCaib. 2.108 thuas go raibh aithne aige ar Labhrás Ó hArann. Tugann Toirdhealbhach a ghinealach dúinn i lámhscríbhinn dá chuid, ginealach a ligeann dúinn eisean a aithint in *Geinealaighe Fearmanach*, áit a ndeirtear go raibh seisear mac aige.<sup>3059</sup> Ós rud é go raibh Toirdhealbhach fós beo sa bhliain 1798, agus go raibh sé ag grafadh lámhscríbhinní chomh fada siar leis an mbliain 1749, níor dhána mar thomhas é dá n-áiteofaí gur rugadh é am éigin idir na blianta 1700 agus 1735. Is doiligh a chreidiúint go mbeadh corradh agus seisear mac aige, agus méid áirithe iníonacha nach fios dúinn, sula mbeadh an tríocha bliain sáraithe aige. Dá nglacfaimis leis gur rugadh sa bhliain 1700 é, abrainis, chiallódh sé sin gur cuireadh an liosta mac sin isteach in

---

<sup>3058</sup> Chonaic muid thuas gur Sheacaibíteach an té a scríobh na dréachtaí seo, agus is doiligh a chreidiúint go raibh bá ar leith ag Séarlas Ó Luínín le Séamus II (VII).

<sup>3059</sup> Tá an liosta bearnach. Féach nóta 1988 thuas.



*Geinealaighe Fearmanach* tar éis na bliana 1730.<sup>3060</sup> Dá dhéanaí dáta breithe Thoirdealbhaigh, is ea is déanaí dáta na nginealach breise seo, agus is féidir gur rugadh cuid de na mic seo a luaitear le Toirdhealbhadh chomh mall le c.1775.<sup>3061</sup> Is eol dúinn, cibé rud é, go raibh seanaithne ag Labhrás agus ag Toirdhealbhadh ar a chéile, agus gur chuir Labhrás laoi fiannaíochta chuige ‘do chuimhniúdh na seanaimsire’ c.1789.

Cé go bhfuil bunchóip Labhráis de na ginealaigh cailte, tá, ar ámharaí an tsaoil, samplaí de shaothar a lámhe ann go fóill. Thaispeáin Breatnach (1990) go bhfuil ceangal de chineál éigin idir an iarracht is luaithe dá chuid, CT H.6.8 (1412) a críochnaíodh an 28 Lúnasa 1777,<sup>3062</sup> agus LN G448 a bhreac Conchubhar Ó Luinín [1] (*q.v.*) idir 1711 agus 1712. Is dearbh go raibh Labhrás i mBaile Átha Cliath nuair a thosaigh sé ar LB Eg. 161 a chóipeáil ar an 24 Lúnasa 1778, óir bhain sé cuid mhaith d’ábhar na lámhscríbhinn sin as ARÉ 23A45 (629), lámhscríbhinn a chuir Muiris Ó Gormáin le chéile breis agus tríocha bliain roimhe sin.<sup>3063</sup> An chóip de scéal San Veronica atá in LB Eg. 161, níorbh in ARÉ 23A45 (629) a fuair Labhrás í

---

<sup>3060</sup> Thaispeáin Ó Tuathail (1940: 162-3) agus Ó Gallachair (1956: 140-1) go bhfuil Aindrias Ó Caiside, a luaitear áit eile sna ginealaigh, le ceangal leis an Ath. Andrew Cassidy (c.1706-c.1766) a adhlacadh i seanreilig Inis Ceithleann. Ós rud é go dtugtar ‘Aindrias .i. an sagart’ air in *Geinealaighe Fearmanach*, bhí sé ina shagart oirnithe nuair a scríobhadh an nóta seo. Ní dóigh gur oirníodh é roimh an mbliain 1727.

<sup>3061</sup> Má rugadh Toirdhealbhadh Mhag Uidhir c.1735, agus má rug bean Thoirdealbhaigh na mic ab óige nuair a bhí Toirdhealbhadh 40 bliain d’aois. Léifí ar na samplaí de pheannaireacht Thoirdealbhaigh dar dáta 1798 in LNA 72.3.2 nár sheanfhear é an uair sin, agus is é is dóichí gurbh i dtreo dheireadh na tréimhse 1700-1735 a rugadh é.

<sup>3062</sup> Féach an colafon ar lch 106.

<sup>3063</sup> Ceapaim gur baineadh cuid mhaith den ábhar a ghráf Labhrás Ó hArann ina chuid féin de LB Eg. 161 as ARÉ 23A45 (629), nó lámhscríbhinn eile den chineál sin a ghráf Muiris Ó Gormáin. Luaitear an dáta 1745 in ARÉ 23A45 (629), agus tharraing Henrí Mac an tSaoir (*q.v.*) go mór uirthi lena chuid cnuasach a ghráfadh. Theip orm a chruthú gur chuir Labhrás Ó hArann aithne ar Mhuiris Ó Gormáin, ach téann sé le céill gur chuir, má ba i lámhscríbhinn de chuid Mhuiris a fuair Labhrás é féin formhór an ábhair atá in LB Eg. 161. Thosaigh Labhrás ar LB Eg. 161 a ghráfadh ar an 24 Lúnasa 1778. Tá ceann nó dhó de na téacsanna atá sa chuid de LB Eg. 161 a scríobh Labhrás, agus nach bhfuil in ARÉ 23A45 (629), le fáil i lámhscríbhinní eile de chuid Mhuiris Uí Ghormáin. Féach, mar shampla, nóta 3064 i dtaobh na cóipe de scéal San Veronica a thugtar in LB Eg. 161.

ach, más fíor do Robin Flower, in LB Eg. 137.<sup>3064</sup> Tugann ábhar LB Eg. 161 le fios, cibé rud é, gur dóigh go raibh Labhrás ag cur faoi i mBaile Átha Cliath faoi dheireadh na bliana 1778. Ba sa chathair sin fosta a críochnaíodh a chóip de ‘Stair Shéarlais Mhóir’ an 2 Meán Fómhair 1781,<sup>3065</sup> agus is féidir gur bhreac sé an laoi fiannaíochta atá istigh le ARÉ 24P29 (1074) tuairim na bliana 1789, an bhliain ar scríobh Toirdhealbhadh Mhag Uidhir (*q.v.*) a mórchuid.<sup>3066</sup> Gabhann nóta leis an ngiota sin, ina ndeir Labhrás gur scríobh sé é ‘dá chara ionmhúinn féin, Toirdhealbhadh Mag Uidhir, do chuimhniúdh na seanaimsire’; tharlódh sé go raibh aithne mhaith aige air. Tá sé le léamh ar an méid seo, ceapaim, gurbh é Labhrás Ó hArann a scríobh síos ginealaigh mhuintir Thoirdealbhaigh in *Geinealaghe Fearmanach*, nó na glúnta deiridh, cibé rud é, agus gur mó de bhaint a bhí ag Labhrás le hábhar na nginealach nár mar a cheap Ua Cadhla (1931). Téann Labhrás as amharc ar feadh fiche bliain ina dhiaidh sin.<sup>3067</sup> Is féidir, áfach, go bhfuil sé le ceangal leis an ‘Lau<sup>ce</sup> O’Hara’ ó Shr. an Teampaill, Baile Átha Cliath, a chláraigh é

<sup>3064</sup> Is é an leagan de scéal San Veronica, scéal báis Píoláit, atá in LB Eg. 161 an leagan ar a dtugtar A in eagrán Mhic Niocaill (1966: 205-7). Déanann Flower amach, *B.M. Cat.*, ii, 553, gur athscríobh é an leagan seo (mar a léirítear é in LB Eg. 137) ar a bhfuil in LBO Rawl. B513 (39) [= 15ú hAois, leagan B Mhic Niocaill]: ‘This excerpt, which has been recast as a complete text, describes the death of Pilate by means of Veronica after she had healed the emperor Nero’. Tá leagan A ar fáil sa chuid de *Leabhar Clainne Suibhne*, ARÉ 24P25 (475), a scríobhadh idir na blianta 1513 agus 1514, agus is dóigh le Mac Niocaill (1966: 205) gur cumadh an leagan seo san aois chéanna. Tugtar cóipeanna eile de in LB Eg. 137, scríobhaí anaithnid, 17ú hAois; ARÉ 23M4 (332), Muiris Ó Gormáin, 18ú hAois; agus LB Eg. 161, Labhrás Ó hArann, 1778. Deir Flower, *B.M. Cat.*, ii, 553, ina chuntas ar LB Eg. 137: ‘... the few lines missing here may be supplied from Eg. 161, ... which the orthography and certain curious contractions prove to have been transcribed from this MS. [= LB Eg. 137]’. Níorbh eol do Flower go raibh an scéal céanna in ARÉ 23M4 (332), agus ó tharla gurbh i lámhscríbhinn de chuid Mhuiris a fuair Labhrás an chuid is mó den ábhar a scríobh sé in LB Eg. 161, is féidir gur roinn duine amháin den bheirt sin, Labhrás Ó hArann agus Muiris Ó Gormáin, a chóip de scéal San Veronica leis an duine eile. Is dréacht garbh í an chóip a d’fhág Muiris againn.

Cibé rud é, is dóigh go síolraíonn leagan Labhráis ar bhealach amháin nó eile ó LB Eg. 137. Is dóigh le Flower, *B.M. Cat.*, ii, 552, gur scríobhadh sa chéad leath den 17ú hAois í, agus diomaite de nach luaitear scríobhaí inti, is eol dúinn go raibh sí idir lámha ag ‘Hiugh sonne to Ferdoragh Ó Hiugh’ go gairid i ndiaidh a scríofa, agus ag ‘Bryan Hiues’ ina dhiaidh sin. Tuairimíonn Flower gur sa chéad leath den 18ú hAois a scríobh John M<sup>c</sup>Polin nóta ar f. 15b, ina luann sé ‘Com. Monauhan [? = Co. Mhuineacháin] by these presents’. Má bhí LB Eg. 137 i gCo. Mhuineacháin sa chéad leath den 18ú hAois, is ábhar spéise go raibh duine de lucht aitheanta Mhuiris Uí Ghormáin ag déanamh cóip dá hábhar i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1778.

<sup>3065</sup> Tugtar an dáta ar lch 71, ‘an dara lá don Mí Abhra ... 1781’.

<sup>3066</sup> Féach nóta 1978 thuas.

<sup>3067</sup> Más ceart gur tosaíodh ar na ginealaigh a scríobh an 29 Aibreán 1809.

féin ag Binse an Rí ar an 29 Aibreán 1793.<sup>3068</sup> Ní chluintear trácht ar Labhrás Ó hArann i ndiaidh na bliana 1809, agus ní léir go raibh sliocht air. Níl aon eolas agam i dtaobh an chnuasaigh lámhscríbhinní a bhí aige, ná ní heol dom cá huair a fuair sé bás.

**2.179. Éadbhard Ó hEachaidh,**<sup>3069</sup> *fl.* 1782-1820<sup>3070</sup> [Edward Haughey]<sup>3071</sup>

**ARÉ 24P7 (95).** Blogh di.<sup>3072</sup> Rann (autograf).

**CML16(1).** Bloghanna di.<sup>3073</sup> Obair dheisithe: ‘Ceasacht Inghine Guile’ (blogh di), ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’ (cuid di).

**COFLA D2.** Cuid di.<sup>3074</sup> Dánta le hArt Mac Cumhaigh, amhráin Bhéarla agus Ghaeilge, ginealach, noda agus giorrúcháin. Dún gCuaile, Fochaird, An Lú 1792.

<sup>3068</sup> *Catholic Qualification Rolls*, 1793. Cláraíodh an bheirt seo a leanas an lá sin:

366. O’Hara, Dan<sup>l</sup>, Cooper & Merch<sup>t</sup>, N<sup>o</sup> 4 Liffey S<sup>t</sup>.

368. O’Hara, Lau<sup>es</sup>, Temple Street, Co<sup>y</sup> Dublin.

<sup>3069</sup> Níorbh éasca teacht ar shocrú maidir le hainm oifigiúil an scríobhaí féin. Bíonn idir *Éamonn* agus *Éadbhard* aige ina chuid lámhscríbhinní, agus ghlac mé le h*Éadbhard*, óir tagann sé aníos níos minice ná na leagan eile. Ní dóigh liom, ar an bpeannaireacht, go bhfuil muid ag déileáil le beirt scríobhaithe ar leith anseo. Is doiligh, mar gheall ar an gcrot atá ar na lámhscríbhinní, agus ar an dochar a rinneadh do chuid de na colafoin, teacht ar leagan iomlán Gaeilge dá ainm in aon cheann de na lámhscríbhinní a ghráf sé féin, agus b’éigean dom brath ar an dá cholafon a ghráf sé in ARÉ 24P7 (95), ina dtugann sé a shloinne faoin litriú ‘Ó hAchaidh’, ‘Ó hAochaidh’, lena shloinne a shocrú. Glacaim leis gur litriú leathfhoghrúil ar *Ó hEachaidh* atá ann. D’áitigh Nioclás Ó Cearnaigh i litir dá chuid, mar a fheicfear thíos, go mbíodh ‘Haughian’ air mar leasainm, ach is sloinne ar leith é sin, ar ndóigh, .i. *Ó hEachaidh*—teaghlach léannta a bhí ina n-ollúna do Chlann Aodha Buidhe in Oirthear Uladh sa tseanaimsir. Ar scáth nach gceadaíonn an scríobhaí féin an leagan seo áit ar bith, ní fiú dul níos faide leis an gceist seo, ná ní féidir Éadbhard a cheangal leis an ‘Luke Haughian’ a scríobh a ainm ar ARÉ 24P28 (130), *R.I.A. Cat.*, 384, ná aon duine eile d’fhill ré na Nua-Ghaeilge Moiche ach oiread, tharla nach bhfuil ach an dada is lú ar eolas againn faoina mhuintir.

<sup>3070</sup> Tá an marc uisce ‘1820’ in COFLA D3 (b), ach níl dáta scríofa inléite inti. Féach Ó Fiannachta (1980: 8).

<sup>3071</sup> Nó ‘Edmond Haughey’ ó am go chéile; féach nóta 3069 thuas.

<sup>3072</sup> ARÉ 24P7 (95), lch 204. Rann dar tús *Ni ciallaidh gach bréugsdair ta síos air ndiaidh*. Tá an rann sin i gcló i gCaib. 1.3, colafoin 127.

<sup>3073</sup> Féach nóta 1572, áit a bhfuil plé déanta ar an méid den lámhscríbhinn seo a chuir Éadbhard óna láimh, de réir mar is féidir liom a dhéanamh amach.

<sup>3074</sup> Deir Ó Fiannachta (1980: 4) gur scríobh Éadbhard Ó hEachaidh lgh 1-50, 83-98, ach is dóigh liom nár scríobh sé ach lgh 1-50, agus gur scríobh Eoin Mhac Cadhaidh lgh 83-98. Féach nóta 2425. D’fhág Éadbhard Ó hEachaidh a ainm agus ainm a athar againn in COFLA D2, lch 25: ‘Guidh ar an scriobhnoir a n-onoir Muire, Eamun O hAmhu mac Eogain 1792’. Shínigh Éadbhard Ó hEachaidh lgh 28, 30 (*ar ceal*), agus 45; scríobh sé nótaí ar lgh 82, 83, an chuid den lámhscríbhinn atá i láimh Eoin Mhic Cadhaidh. Tá cuid de na téacsanna sa chéad chuid den lámhscríbhinn seo scríofa san

**COFLA D3 (b).**<sup>†3075</sup> ‘Comhradh an Duine agus an Bháis’, ‘An Siogaidhe Rómhánach’, laoithe fiannaíochta, búrdún agus dánfhocail. *Marc uisce*: 1820.

**COFLA L12 (a-b).**<sup>3076</sup> Cuid di. Cuid (a)—obair dheisithe ar: ‘Oidhe

Chloinne hUisneach’;<sup>3077</sup> cuid (b)—dánta le [Toirdhealbhadh Ó

Cearbhalláin], Séamus Mac Cuarta, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a

Liondain, Fearghus Mac Bheatha, amhráin, búrdúin agus dánfhocail,

[‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’], ‘Ortha Mhuire’. Dún gCuaile, Fochaird,

An Lú<sup>3078</sup> 1782, 1788-92.

---

*English character*, agus dealraíonn sé gurbh é Éadbhard Ó hEachaidh a scríobh iad. Féach fosta nóta 3077.

<sup>3075</sup> Féach nóta 1511.

<sup>3076</sup> Is í COFLA L12 (b) COFLA L13 ó cheart, ach géillim do na catalóga. Féach nóta 1776 thuas.

<sup>3077</sup> D’athscríobh sé lch 63 (an leathanach deiridh) de COFLA L12 (a), lámhscríbhinn 64 leathanach de chuid na 18ú hAoise a scríobh Eoin Mhac Cadhaidh (*q.v.*), is dóigh liom. Is duilleog bhreise iad lgh 63-4 a chuir Éadbhard Ó hEachaidh leis an méid (lgh 1-62) a scríobh Eoin Mhac Cadhaidh. Dea-chóip iomlán de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ atá inti. Chuir Éadbhard Ó hEachaidh colafon ag deireadh an scéil (lch 63), ach scriosadh é. Tá an méid seo de inléite go fóill: ‘Guid[h] ar a[n] [...bh]ne[o... E.....]aidh / mac Eogain’. Cuimhnítear air gur mhac le hEoghan Ó hEachaidh éigin é Éadbhard; féach nóta 3074. Déantar plé ar an méid de COFLA L12 (b) a scríobh Éadbhard Ó hEachaidh in Ó Fiannachta (1980: 20), agus i nóta 1777 thuas.

Téann stíl pheannaireachta COFLA L12 (a) go cosúil le cuid den ábhar a scríobh Eoin Mhac Cadhaidh in CM L11 (b), ach ó tharla go n-athraíonn stíl Eoin go mór ó áit go chéile, b’fhiú anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar pheannaireacht na lámhscríbhinní seo amach anseo. Scríobh Eoin cuid de COFLA D2 fosta, agus ba le hÉadbhard Ó hEachaidh lá den saol na codanna de COFLA D2 a scríobh Eoin. Is mór idir stíl CM L11 (b) agus COFLA D2, cé go bhfuil an dá lámhscríbhinn sínithe ag Eoin Mhac Cadhaidh. Ó tharla gur luaigh Art Mhac Bionaid go raibh aithne ag scoláire Gaeilge darbh ainm John McCay ar Pheadar Ó Doirnín (féach na cuntais ar Art Mhac Bionaid agus ar Eoin Mhac Cadhaidh i gCaib. 2.40, 2.46), is ábhar spéise a chosúla lena chéile atá peannaireacht Eoin Mhic Cadhaidh agus Phádraig Uí Phronntaigh. Is spéisiúil an ní é go gcuireann Mac Giolla Léith (1993: 35, 53) an leagan de ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ atá in COFLA L12 (a) i ngrúpa lámhscríbhinní E ina eagrán den scéal, taobh le sé lámhscríbhinn eile a bhaineann leis an gceantar. Scríobhadh trí cinn de na cóipeanna seo sa dara leath den 18ú hAois, agus na trí cinn eile sa 19ú hAois. Is iad (1) LBO Ir.e.4 (a) (16), Eoin Ó Gribín, Co. an Dúin, 1799; (2) LPBF 6, comhleabhar gan ainm scríobhaí ná dáta; agus (3) MN M103, Ardghal Ó hAnluain, gan log scríofa, 1762-4, na trí chóip eile a bhaineann leis an 18ú hAois. Is féidir an dá lámhscríbhinn sin, LPBF 6 agus MN M103, a shamhlú leis an dúiche thart ar an teorainn idir Co. Lú agus Co. Ard Mhacha, ar dhá ábhar: (1) go bhfuil cosúlachtaí láidre idir ar scríobh Ardghal Ó hAnluain in MN M103 agus leabhair Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh agus Éadbhaird Uí Eachaidh (féach nótaí 3042, 3043), sin agus go bhfuil cóip de ‘Táin Bó Cuailnge’ inti a réitíonn lena bhfuil in LN G457, lámhscríbhinn de chuid Phádraig Uí Phronntaigh, 1759; (2) go bhfuil cuid mhaith d’fhillíocht Pheadair Uí Dhoirnín, Phádraig Mhic a Liondain, srl., sna codanna éagsúla de LPBF 6. B’fhéidir go dtugann sin leid éigin dúinn ar an dúiche inar scríobhadh COFLA L12 (a), agus go dtacaíonn sé beagán leis an tuairim gurbh é Eoin Mhac Cadhaidh a scríobh a formhór.

<sup>3078</sup> Tá an log luaite i gcúpla áit, agus ag an scríobhaí áirithe seo, in COFLA L12 (b) ar lgh 176, 186.

**LPBF 26.** Cuid di.<sup>3079</sup> ‘Eachtra Aodha Mhig Oireachtaigh’ (obair dheisithe), dhá dhánfhocal, dán le Peadar Ó Doirnín. Dún gCuaile, Fochaird, An Lú [? 1782].

Scoláire inspéise a bhí sa scríobhaí seo, Éadbhard Ó hEachaidh, ag a raibh cnuasach lámhscríbhinní lenar chuir sé nótaí agus léaráid aisteach nó dhó.<sup>3080</sup> Luaitear ainm a athar, Eoghan Ó hEachaidh, i gcolafon a chuir Éadbhard le COFLA D2 sa bhliain 1792,<sup>3081</sup> ach níl ach fíorbheagán ar eolas faoi bhlianta a óige. Ba i nDún gCuaile, Fochaird, Co. Lú, a rinneadh a chuid obair scríbhneoireachta uilig, go bhfios dom; agus is é an saothar is tábhachtaí atá againn óna lámh féin na cnuasaigh a scríobh seisean agus Donnchadh Mag Oireachtaigh de dhánta le Peadar Ó Doirnín agus le hArt Mac Cumhaigh. Ba i nDún gCuaile a bhí cónaí ar Dhonnchadh Mag Oireachtaigh fosta, agus taispeánann méid mór na leabhar a tháinig anuas chugainn ón mbeirt acu go mbídís ag obair as lámha a chéile idir na blianta 1788 agus 1792. Is féidir gur chuidigh Éadbhard le Donnchadh Mag Oireachtaigh codanna de LPBF 26 a scríobh chomh fada siar leis an mbliain 1782; agus bhí an-tionchar acu beirt ar scríobhaí de chuid na chéad ghlúine eile a chuir mórán leabhar de i nDún gCuaile sa chéad leath den 19ú hAois, Pádraig Mhac Gatháin.

An locht is mó a fhaightear ar lámhscríbhinní Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh, an litriú doiléir, tá an laige chéanna ar shaothair Éadbhaird, ach d’fhág an bheirt acu oidhreacht neamhghnách luachmhar againn sa leathdhosaen lámhscríbhinní dá ndéanamh féin atá againn, agus sna seanleabhair a chnuasaigh siad.<sup>3082</sup> Tá an chuma ar an scéal gur leabhair choiteanna nó leabhair nótaí an chuid ba mhó dár scríobh

---

<sup>3079</sup> Féach nóta 1781 thuas.

<sup>3080</sup> Do na léaráidí, féach na leathanaigh dheiridh in LPBF 26.

<sup>3081</sup> Féach nóta 3074.

<sup>3082</sup> Féach an cuntas ar Phádraig Ó Pronntaigh i gCaib. 2.201.

siad i bpáirt lena chéile, agus níor chás d'Éadbhard an *English character* a úsáid le hábhar a scríobh iontu corruair. Tharla cuid mhór acu i seilbh Phádraig Mhic Gatháin.<sup>3083</sup> Mura féidir a thaispeáint go raibh Donnchadh Mag Oireachtaigh ina bheatha tar éis an 26 Deireadh Fómhair 1796, bhí Éadbhard fós ag scríobh leabhar chomh mall leis an mbliain 1820.<sup>3084</sup>

Tá cuntas aisteach againn ar bhás Éadbhaird Uí Eachaidh ar doiligh iontaoibh a bheith agam as codanna de. Nuair a tharraing *Prophecies* (1856) Niocláis Uí Cearnaigh conspóid mhór air féin, rinne sé, mar is eol dúinn, iarracht a shaothar a chosaint i sraith litreacha a foilsíodh ar an *Weekly Telegraph*. I gceann de na freagraí a foilsíodh ar an bpáipéar sin, iarradh air mioneolas a thabhairt ar na foinsí a chheadaigh sé agus é ag cur na dtéacsanna in eagar. Scríobh Nioclás Ó Cearnaigh freagra fada air sin an 26 Feabhra 1856, ina ndéanann sé trácht ar an scríobhaí seo,

With respect to the other prophetic poems I have published, I must state that the principal MS. from which I copied the three first poems of St. Columbkille in my edition, the prophecies of Saints Ultan and Sedona, was a vellum one belonging to a man named Edward Houghey, or Hougheyman, as he was called. I think it was in 1835.

I was obliged to copy those at different times, and in the owner's presence, as he was so careful of the book that he would not suffer it out of his sight. He used to carry it with him rolled up in a piece of cloth in his pack. This man was an itinerant vendor of soft goods, and a good Irish scholar, besides a careful collector of Irish manuscripts. I cannot tell what were the other pieces contained in that manuscript. Hougheyman often told me he had a large chest of choice manuscripts; this chest was kept in the house of a son or other relation of his, who lived in the lower part of the county of Louth.

Hougheyman was killed at the races of Castlebellingham, but I do not know the date of the year, as I was not then in that part of the country. I have been informed that after his death, his son offered for sale some manuscripts of his at the Royal Irish Academy and Trinity College. If they have been purchased at either, it is likely the manuscript to which I allude may be among them; yet

---

<sup>3083</sup> Cuir na lámhscríbhinní a tugadh ar an liosta lámhscríbhinní, agus sa phlé a dhéantar ar chnuasach Éadbhaird i gcorp an chuntais seo, i gcomórtas leis an bplé gairid a rinneadh ar chnuasach Phádraig Mhic Gatháin i nóta 1523.

<sup>3084</sup> Féach an marc uisce '1820' atá sa pháipéar in COFLA D3 (b).

there is a probability it is not, since he carried it about him—hence it may have fallen into private hands.<sup>3085</sup>

Is doiligh cuid mhaith den chuntas seo a chreidiúint, ach amháin go bhfuil an chuma air go raibh cnuasach breá lámhscríbhinní ag Éadbhard, rud atá soiléir ón nglacán lámhscríbhinní a tháinig slán chugainn a bhfuil lorg a láimhe orthu. Ní heol dom go raibh sliocht ar Éadbhard Ó hEachaidh, mar a thuigfí ón gcuntas sin, ach níl aon eolas agam a thabharfadh a mhalairt le fios, agus níl taifid bhaiste ar coimeád do pharóiste Fhochaird a théann níos faide siar ná an bhliain 1844. Chuaigh díom catalóg nó cuntas mion a fháil dá raibh i leabharlann Éadbhaird, rud nach ábhar iontais. Fágann sin, ar ndóigh, nach bhfuil tuairim agam ar mhéid na leabhar a bhí aige, ach ós rud é go síníodh sé na seanleabhair a bhí sé a léamh, agus go ndéanadh sé cuid acu a dheisiú de réir mar ba chuí, is féidir tuairim éigin a fháil ar an gcineál ábhair a bhí idir lámha aige trí na blianta. Cuid mhaith de na leabhair sin, chomh fada agus is féidir linn a dhéanamh amach, tá baint láidir acu le tuaisceart Cho. Lú agus deisceart Cho. Ard Mhacha. Fuair sé greim, mar shampla, ar dhá lámhscríbhinn a scríobh Pádraig Ó Pronntaigh;<sup>3086</sup> ceann nó dhó le hEoin Mhac Cadhaidh,<sup>3087</sup> duine de lucht aitheanta Pheadair Uí Dhoirnín, más fíor;<sup>3088</sup> ‘Bolg an tSoláir’ a scríobh Éadbhard Ó Cearbhalláin i nDún Dealgan, Co. Lú, idir 1807 agus 1808;<sup>3089</sup> agus lámhscríbhinní fáin, cuid acu gan síniú,<sup>3090</sup> cuid acu le ——— Ó Marcaigh agus

---

<sup>3085</sup> Madden (1866: 15).

<sup>3086</sup> ARÉ 24P7 (95), lgh 37-218, agus CM L16(1). Féach nóta 3072 faoi ARÉ 24P7 (95), agus nóta 1572 i dtaobh CM L16(1).

<sup>3087</sup> COFLA D2, lgh 51-98, agus COFLA L12 (a), lgh 1-62, ar dóigh gur scríobh Eoin Mhac Cadhaidh í. Féach nótaí 1287, 3077 i dtaobh COFLA L12 (a).

<sup>3088</sup> Féach an seanchas a thug Art Mhac Bionaid ar ‘John McCay’ sna cuntais ar Eoin Mhac Cadhaidh agus ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.40, 2.46.

<sup>3089</sup> ARÉ 24P7 (95), lgh 221-66.

<sup>3090</sup> ARÉ 24M10 (603) agus OB G6. Scríosadh na colafoin in ARÉ 24M10 (603); déantar plé air seo i nóta 3324, agus go mór san *R.I.A. Cat.*, 1915-17. Féach gur thagair Mac Labhraí (2005: 25 *n.3*; 2013: 263 *n.3*) don nóta a scríobh Mag Uidhir (1977: 57) faoi shíniú Éadbhaird Uí Eachaidh a bheith ar OB G6.

Tomás Mac Cuinneagáin, beirt nach féidir log cruinn a cheangal leo.<sup>3091</sup> De bhreis air sin, is dóigh go raibh aithne ag Éadbhard Ó hEachaidh ar an Dr Séamus Mhac Giolla Choille. Scríobhadh nóta ar imeall leathanaigh in COFLA D2 a thugann le fios go raibh sé ag plé le ‘Doctor Woods’ éigin sa bhliain 1792 nó ina dhiaidh sin;<sup>3092</sup> agus dheisigh an Dr Mac Giolla Choille ceann de na lámhscríbhinní de chuid Phádraig Uí Phronntaigh a bhí i leabharlann Éadbhaird Uí Eachaidh.<sup>3093</sup> Maidir leis an tagairt a dhéanann Nioclás Ó Cearnaigh dá léannta is a bhí Éadbhard Ó hEachaidh, thig linn a bheith cinnte, mar gheall ar cheann de na nótaí tráchta a scríobh sé ar imeall leathanaigh in ARÉ 24P7 (95), go raibh ‘Foras Feasa air Éirinn’, nó sleachta as, léite aige, mura raibh an stair ar eolas de ghlanmheabhair aige.<sup>3094</sup> Níorbh annamh d’Éadbhard aithris a dhéanamh ar pheannaireacht Phádraig Uí Phronntaigh agus é ag cur nótaí tráchta le cuid lámhscríbhinní Phádraig: féach, mar léiriú air sin, na nótaí a chuir sé leis an gcóip de ‘Eachtra na gCuradh’ in ARÉ 24P7 (95), agus na breiseanna a chuir sé le CM L16(1) i gcúpla áit, taobh leis na buncholafoin.<sup>3095</sup>

An ghairm a luaitear le hÉadbhard i gcuntas Niocláis Uí Chearnaigh, agus an dóigh a bhfuair sé bás, níl dóigh agam ar thomhas a chaitheamh ar chruinneas na ráiteas sin cheal faisnéise eile. Níor shásaigh scéal na lámhscríbhinne meamraim eagarthóir an *Weekly Telegraph* go deimhin, agus d’fhoilsigh an t-eagarthóir seo, William Mac Cabe, freagra ar an litir sin gan mhoill ar an bpáipéar céanna an 5 Aibreán 1856,

<sup>3091</sup> Scríobh ——— Ó Marcaigh COFLA D1 (a) [= lgh 1-154], agus scríobh Tomás Mac Cuinneagáin COFLA D1 (b) [= lgh 155-214]. Ar lch 145, tá nóta gearr i bpeannaireacht Éadbhaird Uí Eachaidh a cuireadh ar ceal, ach tá an méid seo inléite, ‘[ ]id[h](?) a nuinguilea [= a nDún gCuaile]’; scríobh sé an chéad chúpla líne de ‘Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill’ ar lch [184]. Féach nóta 3324.

<sup>3092</sup> Féach dréacht de litir a scríobhadh in COFLA D2, lch 41, ‘Doctor Woods, I want six pills and ...’ Is dóigh gurb é an Dr Séamus Mhac Giolla Choille atá i gceist, óir bhí sé lonnaithe i nDún Dealgan thart faoin mbliain 1792, an bhliain ar thosaigh sé a fhreastal ar an Apothecaries’ Hall. Scríobhadh COFLA D2, lch 25, sa bhliain 1792. Féach nóta 3074.

<sup>3093</sup> CM L16(1). Féach nóta 1572.

<sup>3094</sup> Féach nóta 400 thuas.

<sup>3095</sup> Gheofar cóipeanna de na nótaí tráchta seo i gCaib. 1.3, colafoin 126, 127; féach Caib. 1.3, nóta 400 thuas fosta. Níor mhiste a lua anseo gur chóipeáil sé go nua colafoin a scríobh Pádraig Ó Pronntaigh isteach in CM L16(1), áit ar scriosadh na seancholafoin, agus é ag déanamh aithris ar láimh Phádraig Uí Phronntaigh anseo.



In all he has been writing on this subject he has never specified but one vellum MS., and that was carried about in a peddler's pack, and those who know what vellum MSS. are can give a shrewd guess how many years a vellum MS. would stand the wear and tear and unceasing trituration of a peddler's pack. As to *that vellum MS.*, Mr. O'Kearney does not know what has become of it—it may have been sold by the owner's son!—it may be in the Royal Irish Academy!—or it may be in Trinity College!—or it may be in private hands; and there is a probability—it might be even a possibility—that it is nowhere to be found.<sup>3096</sup>

Finscéal ceart atá ann go raibh a leithéid de lámhscríbhinn mheamraim ag Éadbhard Ó hEachaidh, ach ní gá droim láimhe a thabhairt don chuid eile den chuntas. Is é rud a chinn Nioclás Ó Cearnaigh a dhéanamh, is dóigh, scoláirí fíre Gaeilge a lua seachas duine nach raibh ann riamh a cheapadh as maol a chonláin, ar an tuiscint gurb inchreidte go deo scéal leathchumtha, a bhfuil gráinne beag den fhírinne ann, ná bréag cheart. Ní fheicim goidé mar a chuideodh sé le Nioclás Ó Cearnaigh dáta agus scéal báis bréige a lua le hÉadbhard, agus é ag súil leis go nglacfaí le scéal na lámhscríbhinne meamraim. Is féidir go bhfuil, mar sin, agus mar a bhíonn i gcónaí i scéalta Niocláis Uí Chearnaigh, cuid den fhírinne ann, agus go bhfuair Éadbhard bás ar an dóigh sin. Bhí scoláire amháin eile, an tAth. Pádraig Ó Luain (*q.v.*), ina dhíoltóir mionearraí i dtús a bheatha sula ndeachaigh sé le sagartacht; agus d'fhéadfadh sé gur mhair Éadbhard go dtí an bhliain 1835, mar a dúirt Nioclás Ó Cearnaigh, cé nach dtig liom a dhearbhu go raibh sé beo i ndiaidh 1820, ná gur maraíodh mangaire darbh ainm sin ag rásaí Bhaile an Ghearlánaigh sna 1830í.<sup>3097</sup> Is fíor go bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh greim ar chúpla lámhscríbhinn dá chuid.<sup>3098</sup> Is é is dóichí, ámh, go bhfuair sé go hindíreach iad ó shealbhóir nó ó idirghabhálaí

---

<sup>3096</sup> Madden (1866: 26).

<sup>3097</sup> Rinne mé sracfhéachaint thar a bheith gasta ar na páipéir nuachta áitiúla, agus theip orm go glan teacht ar aon rud, ach bheadh dianstaidéar de dhíth orthu nó go mbeifí in ann a rá nár tharla a leithéid, agus ní dócha gur leor scagadh neamhthoirtiúil mar chruthú nár tharla timpiste den sórt sin, cibé rud é.

<sup>3098</sup> Bhí ARÉ 24P7 (95) agus LPBF 26 i gceusach Roibeaird Mhic Ádhaimh seal, lámhscríbhinní a raibh codanna díobh i gceusach Éadbhaird Uí Eachaidh.

éigin eile, Pádraig Mhac Gatháin (*q.v.*), b'fhéidir, tharla go raibh aithne ag Pádraig Mhac Gatháin ar Roibeard Mac Ádhaimh chomh luath leis an mbliain 1842.<sup>3099</sup>

**2.180. Bháitear Ó hEisleanáin, fl.1759-65**

[Watt Heslin]

**ARÉ 23I23 (410).** Formhór di. Tráchtas gramadaí, 'Bás an Mhacaimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine', amhráin ghrá, búrdúin agus dánfhocail, aistriúchán Béarla de chuid Mathew Fitzsimons ar dhán, dánta le Máire Ní Reachtagáin, [Tadhg Ó Neachtain], Eoghan Ó Dubhthaigh. 1758-9.

**CPD 2.** Blogh di.<sup>3100</sup> Dhá rann scríobhaí. 1759.<sup>3101</sup>

**LPH 12065M(1).** Laoithe fiannaíochta, 'Fís Mherlínó', dánfhocal, 'D'Aosaibh na nAithreacha ó Ádhamh go Noe, agus Fad na hAimsire ó Ádhamh go Dlínn, agus Geinealach Noe go hÁdhamh', dánta le Séamus Mac Cuarta, [Aodh Mhac Aingil], 'Turas Locha Deirg', dánta cráifeacha.

\*Currach Átha [Curraha], Circiostún,<sup>3102</sup> An Mhí 1759-60.

De réir nóta a scríobh Bháitear Ó hEisleanáin ar CPD 2 sa bhliain 1759, dealraíonn sé go bhfuair sé an lámhscríbhinn áirithe sin le huacht óna sheanathair féin, Donnchadh Ó hEisleanáin,

---

<sup>3099</sup> Féach nóta 1506. Bhí LPBF 26, lámhscríbhinn ar scríobh Éadbhard Ó hEachaidh codanna di, agus a bhfuair Roibeard Mac Ádhaimh í ina dhiaidh sin, i gcnuasach Phádraig Mhic Gatháin. Tugtar beagán eolais ar chnuasach Phádraig Mhic Gatháin i nóta 1523.

<sup>3100</sup> De réir mar a dhealaigh Ó Mórdha (1961) na stíleanna peannaireachta óna chéile, ach amháin gurbh é Séamus Ó Leanacháin a scríobh an giota sin ar lch 584, *Atá dís leaidh air a ttreasluidh*. Scríobh Seon Mhac Solaidh an chuid is mó den lámhscríbhinn, chuir Bháitear Ó hEisleanáin nótaí agus rann le ff. 1, 1v (cuid de, 1759), 17v, agus scríobh Séamus Ó Leanacháin ff. [i]v (1812), 1v (cuid de, 1820), lch 584.

<sup>3101</sup> Féach an dáta ar f. 1v.

<sup>3102</sup> Ba dhóigh le Mac Lochlainn (1958: 231) go raibh An Currach, Co. Chill Dara, i gceist aige, de réir dealraimh, ach thaispeáin Ó Mórdha (1961: 179) gur dhearmad sin dó. Tá glacadh éigin leis gurbh é 'Curracha' an leagan ceart Gaeilge den bhaile sin ar a dtugtar 'Curraha' sa Bhéarla, ach is fearr go mór a réitíonn \**Currach Átha* leis an réalú Béarla. Tugtar 'Baile an Chricigh' anois ar 'Crickstown', an paróiste ina bhfuil \**Currach Átha* [Curraha] suite. Tá bunús leis an leagan *Circiostún*, áfach; féach Breathnach (1940a).

As é Bháiteir Ó hEslinnan fear an leabhairsi. D'fh[haig a sheanathair  
Donchadh O hE[s]linnan chum go mbiuidh sé ag guidh rena anam.<sup>3103</sup>

D'fhéadfadh sé, dar leis an té a rinne clárú ar an lámhscríbhinn sin, Séamus P. Ó Mórdha (1961: 178-9), gur mhac é Bháitear le Cathal Ó hEisleanáin, file a bhí ag saothrú go luath san 18ú hAois,<sup>3104</sup> agus a bhfuil dánta leis i lámhscríbhinní 'scoil' Thaidhg Uí Neachtain. Níl rud ar bith ann a chruthódh sin, cé gurb eol dúinn go raibh tionchar ag lámhscríbhinní na scoile sin ar lámhscríbhinn amháin de chuid Bháiteir, ARÉ 23I23 (410). Lámhscríbhinn neamhghnách is ea í ARÉ 23I23 (410), bailiúchán de dhánta agus d'amhráin ghrá agus eile nach bhfuil fáil ar a mbunáite i bhfoinsí eile,<sup>3105</sup> amhráin ar nós *An tan fuaireas tuairisc ar muir is ar trá*, mar shampla. De bhreis ar an méid seo, tá dán inti le Máire Ní Reachtagáin, bean Thaidhg Uí Neachtain, agus an mhairgne a cheap Tadhg uirthi sa bhliain 1733; níorbh olc an rud é smaoinreamh air, áfach, go bhfuil dánta de chuid na scoile seo, agus téacsanna ar chuir lucht na scoile sin spéis iontu, i gcuid mhaith de na lámhscríbhinní a scríobhadh i ndeisceart Cho. na Mí, ón am a raibh Seon Mhac Solaidh ag saothrú leis ann sa chéad cheathrú den 18ú hAois.

Scríobh Proinsias Mhac an Ultaigh (*q.v.*) beagán den leabhar sin, ARÉ 23I23 (410), do Bháitear in 1759. Luadh i gCaib. 2.33, sa chuntas ar dhuine muinteartha le

---

<sup>3103</sup> CPD 2, f. 1. Tugtar an dáta 1759 i bhfocail, agus i bpeannaireacht Bháiteir, ar f. 1v. Tá an nóta seo i gcló cheana in Ó Mórdha (1961: 181).

<sup>3104</sup> Luann O'Reilly (1820: ccix) é faoin mbliain 1710. Bhí ceangal aige leis na scríobhaithe a bhí ag saothrú i mBaile Átha Cliath ag an am, Tadhg Ó Neachtain ina measc, a cheap rann air ina dhán *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn* (féach nóta 114):

‘Aodh Mac Gabhráin, an Gaedhul glic,  
's Ó Hisleanán ághbhar oirdheirc,  
Cathal na gcumann chríche Cuinn,—  
os Connachtadh do chim an c[h]rodhbhuinn’.

Tá an rann sin i gcló in O'Rahilly (1913a: 159), agus in Harrison (1988: 135).

Nóta—*an c[h]rodhbhuinn* = *an c[h]robhaing*.

<sup>3105</sup> Tá an gnáthleagan den phíosa *An uile mhaith ó neamh go lár*, is é sin *Abair leis ná déanadh éad*, i gcló in Ó Rathile (1926: 103-4). Foilsíodh *Mug, cupán agus píopa* in O'Rahilly (1927: 2-3, 62) fosta, agus tá cúpla cóip den dá théacs seo ar fáil; féach nóta 2092 thuas.

Proinsias Mhac an Ultaigh, Séamus Mac an Ultaigh, go bhfuair seisean cuid mhaith d'ábhar ARÉ 12E25 (908) in LPH 12065M(1) sa bhliain 1772. Ba scríobhaí cumasach é Bháitear, agus bíonn a chuid lámhscríbhinní soléite, cé go dtéann sé den litriú clasaiceach ar dhóigheanna éagsúla.<sup>3106</sup> Dhealródh sé go raibh aithne mhaith ag Bháitear ar Labhrás Mhac Con Allaidh (*q.v.*), a chónaíodh cúpla míle síos an bóthar uaidh i mBaile Géar, tharla go bhfuil roinnt mhaith den ábhar céanna ina gcuid scríbhinní—an beagán díobh nár scriosadh, is dóigh. Ba é Bháitear a scríobh líne amháin de dhán isteach i lámhscríbhinn a bhí Labhrás Mhac Con Allaidh ag athscríobh sa bhliain 1765.<sup>3107</sup>

Ní fios cá fhad a mhair sé i ndiaidh 1765.<sup>3108</sup>

**2.181. Pádraig Ó hEithir, fl.1785-1807**

[Patrick O'Heer]

**ARÉ 23A5 (221).** Leabhar urnaithe, rainn fáin, sleachta as graiméar Vallancey. 1793.<sup>3109</sup>

**CT H.6.12(3) (1416).** Dánfhocal, amhráin, cuid acu le Seán Martin, Séamus Ó Daighre, laoithe fiannaíochta, [Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna], Séamus Mac Cuarta, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, 'An Teagasc Ríoghda', 'Pléaráca na Ruarcach', 'Comhairle Mhic Clámha' (cuid di), dánta Béarla. Iúr Chinn Trá, An Dún 1785.<sup>3110</sup>

---

<sup>3106</sup> Is nós amháin dá chuid go scríobhann sé *bhf* (*f* uraithe) áit a mbeifí ag súil le *bh* nó *mh*, de réir céille, srl. Tá cuid mhaith litrithe foghrúla den sórt seo ina chuid lámhscríbhinní, agus ba spéisiúil an rud é dá gcuirfí foirmeacha canúna na lámhscríbhinne ARÉ 23I23 (410), agus LPH 12065M(1) fosta, i gcomórtas le lámhscríbhinní eile ó dheisceart Cho. na Mí, agus le lámhscríbhinní Risteaird Tuibear ach go háirithe.

<sup>3107</sup> Féach LB Add. 34119, f. 160, lámhscríbhinn le Labhrás Mhac Con Allaidh a scríobhadh sa bhliain 1765, mar a bhfuil líne amháin den dán *A mhacaoimh a théid a lasadh do léighinn* (f. 162.15) i lámh Bháiteir, rud a léiríonn go raibh sé beo sa bhliain 1765.

<sup>3108</sup> Tosaíonn an clár adhlacthaí nó básanna is sine atá ar fáil i bparóiste Dhomhnach Mór sa bhliain 1802.

<sup>3109</sup> Féach nóta 3113 thíos.

<sup>3110</sup> CT H.6.12(3) (1416), lch 1.

**LB Add. 33196.** Leabhar urnaithe. Iúr Chinn Trá, An Dún 1797.

**LPNE MSS. Col. 1523.** Leabhar urnaithe. 1796.

Dúradh san *R.I.A. Cat.*, 569, go raibh peannaireacht Phádraig Uí Eithir ‘wretched’ agus go raibh litriú mírialta an scríobhaí chráifigh seo ó Iúr Chinn Trá ‘erratic’, nó, mar a deir O’Rahilly (1927: 66), ‘execrable’. Ní áiteoinn go bhfuil dul amú orthu ó thaobh cúrsaí ortagrafaíochta de amach is amach, óir is doiligh amanna ciall a bhaint as cuid scríbhinní Phádraig gan dul i muinín cóipe eile. Diomaite de sin, tá a lámh an-soiléir, agus déanann sé a chuid scríbhinní a mhaisiú le ceannlitreacha ornáideacha agus léaráidí ó am go chéile. Bhí Pádraig mór as a chuid peannaireachta féin, cibé rud é, de réir an dáin seo a chuir sé le CT H.6.12(3) (1416), ar tosaíodh ar a scríobh i mí an Mheithimh 1785,

Pádruc O hÉthir ag Úair Chill Trábhudh  
choiscibh fhiacht ré dieludh ’n ghráine  
é clachtdh fuair sé ’s buan mur bhéasa  
tesgadh freamh udair scéltuigh  
sgríbhudh Géllic re penn air phapar  
’s maith dheaircus loreg é lámhe.<sup>3111</sup>

Tá gach cuma ar an lámhscríbhinn seo gur scríobh tosaitheoir í: an rann mórtasach thuas; an ortagrafaíocht ghuagach; agus an dóigh a gcuirtear na téarmaí *cecinit* agus *scripsit* trína chéile ach go mórmhór.<sup>3112</sup> Más suarach ortagrafaíocht an ghiota seo, tugann cuid de na píosaí i leabhar urnaithe a scríobh Pádraig sa bhliain 1793, ARÉ 23A5 (221), le tuiscint go gcumadh sé litrithe corra dá chuid féin go minic le cruth dúrúnda a chur ar a chuid lámhscríbhinní.<sup>3113</sup> Taispeánann an lámhscríbhinn seo go

---

<sup>3111</sup> CT H.6.12(3) (1416), lch 1. Nóta—*é* = an t-alt uatha, *l.* 3; aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha, *l.* 6.

<sup>3112</sup> Féach fosta nóta Gwynn: ‘The scribe seems to use Os to introduce a poem: see pp. 1, 3, 5, etc.’, *T.C.D. Cat.*, 367.

<sup>3113</sup> Féach an rann a thugtar in ARÉ 23A5 (221), lch 1,  
Is truagh sin a leambran báuin

raibh forbairt tar éis teacht ar a chuid peannaireachta ón am ar scríobh sé CT H.6.12(3) (1416). Is lámhscríbhinn spéisiúil í ARÉ 23A5 (221) ar chúpla ábhar eile. Tharraing Pádraig cuid mhaith ar *Parrthas an Anna* agus an leabhar urnaithe seo á réiteach aige, agus thras-scríobh sé cóipeanna eile de—do phátrúin anaithnide, glacaim leis—sna blianta 1796 agus 1797. Luann sé log, ‘Sr. na mBaeduigh’, Iúr Chinn Trá—áit nach bhfuilim in ann a cheangal le log reatha ar bith sa bhaile sin—in LB Add. 33196, an chóip a scríobhadh sa bhliain 1797. Tá a shíniú, ‘Patrick O’Heer’, agus síniú ‘John O’Heer’ le fáil in CCM A faoin dáta 2 Samhain 1807,<sup>3114</sup> ach níl aon eolas eile agam ina thaobh, ná ní fios dom cá raibh cónaí air sa bhliain sin.

**2.182. Tomás Ó hEochaidh, fl.1747-78**

[Thomas Hoy]

**LN G231.** Formhór di. ‘Beatha Chríost’. 1747.

Thug Nessa Ní Shéaghdha faoi deara gur scríobhaí de chuid an Tuaiscirt é Tomás Ó hEochaidh, *N.L.I. Cat.*, vi, 31, agus réitíonn a pheannaireacht chlaonta throm go maith leis an stíl a chleachtaíodh scríobhaithe áirithe de chuid Oiriaila, Pádraig Ó Pronntaigh, mar shampla, san aois sin. Is léir go raibh Tomás beo sa bhliain 1778, an uair a bhí an lámhscríbhinn ar iasacht ag Nicholas Reid.<sup>3115</sup> Dealraíonn sé gurbh é

---

tiucfaimb an ló sé budh fíor  
go neabraidh noch os cion do chlár  
nach mairíonn an lamb do ro sgríomb.

Tá an leathanach seo i stíl dhifriúil peannaireachta, ach tá sé sínithe ag Pádraig Ó hEithir ag an mbun faoin dáta 1793, agus tá corp na lámhscríbhinne sa stíl pheannaireachta inar scríobhadh LPNE MSS. Col. 1523 (1796) agus LB Add. 33196 (1797).

<sup>3114</sup> CCM A, lgh 328 (Patrick O’Heer, 2 Samhain 1807), 329 (John O’Heer). Ní fios goidé an pháirt a bhí acu lena chéile. Ceanglaíonn Ó Mórdha (1958: 280 *n.3*), an té a rinne clárú ar an lámhscríbhinn, an Patrick O’Heer seo leis an scríobhaí.

<sup>3115</sup> LN G231, lch ii. Pléadh an lámhscríbhinn seo i gCaib. 1.3.3, ach tugtar cuid de na pointí arís, óir is beag eolas eile atá againn i dtaobh scríobhaí LN G231, Tomás Ó hEochaidh. Scríobhadh dhá nóta léitheora ar LN G231, lch ii; seo an chéad cheann acu—

Aig so beatha agus bas air Slannaightheora Iosa *Críost*. *Bannacht* air th’annam(h) Thomas I hOidh air shon tamalt don lamhransa thabhairt damh féin a mblian d’Aois a’ Tighárna & a’ m[h]í dar b’innim <Sep>tember 1778, <Nicho>las Reid.

Tugadh an nóta sin i gCaib. 1.3.3, colafon 152, mar aon le nóta eile sa lámhscríbhinn. Níl sa dara nóta sin ach na focail, ‘Leabhar Ioseph M[h]ic Alaíoir’, agus is dóigh liom gur bhreac Aodh Mhac Cába é.

Aodh Mhac Cába (*q.v.*), scríobhaí cumasach ó dheisceart Cho. Mhuineacháin, a scríobh nóta sealbhóra ar LN G231 ar son Ioseph Mhic Alaí. <sup>3116</sup> Ní heol dom, áfach, goidé an áit ba threo do Thomás Ó hEochaidh.

**2.183. Tomás Ó hEothasaigh, fl.1769-70**

[Thome Huzzey]

**COC T<sup>1</sup>66 (f) (66).** Cuid di. ‘Cáineadh Whaley’, dánta le Séamus Mac Cuarta, Fiachra Mhac Bhrádaigh, Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Eachtra Lomnochtáin Shléibhe Rife’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, dán cráifeach. Cill Phádraig <sup>3117</sup> 1769-70.

Bhreact Tomás Ó hEothasaigh cuntas airgid faoin dáta 24 Lúnasa 1770 ag deireadh na haon lámhscríbhíne amháin atá againn uaidh, agus is féidir go raibh spéis aige sa mhatamaitic, óir tharraing sé cearnóg dhraíochta ar imeall leathanaigh inti. Níl aon eolas agam, de bhreis ar an mbeagán sin, ina thaobh.

Déantar trácht i leabhar miontuairiscí an Committee of Antiquaries, cumann a bhunaigh Charles Vallancey agus Lucius O’Brien, ar an ‘Rev<sup>d</sup> M<sup>r</sup> Tho Hussey’ a rinne socrúithe go gcóipeálfaí an *Senchas Már* a bhí ar coimeád in Iarsmalann na

---

Chaith Aodh Mhac Cába, an scríobhaí cumasach, cuid dá shaol i gCarraig Mhachaire Rois, agus is féidir gurbh as deisceart Cho. Mhuineacháin dó. Bhí LN G227, lámhscríbhinn le hAodh Mhac Cába, i seilbh Joseph McAlear (*al.* Joseph Lear) agus Thomas McAleer fosta; agus bhí an dá lámhscríbhinn seo, LN G227 agus LN G231, maille le LN G228 (Eoin Ó Muirreadh, Cill Fhallúin, a scríobh), ar díol i siopa leabhar William H. Robinson, Newcastle-upon-Tyne, sa bhliain 1928, *N.L.I. Cat.*, vi, 31. Tugtar faoi deara go raibh lámhscríbhinn eile le hAodh Mhac Cába, LN G1423, i gCo. na Mí thart ar an mbliain 1921 (Mac Giolla Phádraig 1962: 47).

<sup>3116</sup> LN G231, lch ii. Féach nóta 3115 thuas.

<sup>3117</sup> Ní léir cén áit a bhí i gceist aige, ach tá baile fearainn amháin darb ainm sin gar do Bhaile Átha Fhirdhia i gCo. Lú, agus cúpla ceann eile i gCo. na hIarmhí. Thuairimigh Watson (1979: 189) gur grafadh an lámhscríbhinn i gCúige Mumhan. Ceapaim féin gur cuireadh amú é toisc go bhfuil an giota lámhscríbhíne seo ceangailte le blúirí de chuid an Deiscirt, ach baineann cuid de na téacsanna atá sa lámhscríbhinn le traidisiún an cheantair seo againne. B’iontach an rud é dánta le Séamus Mac Cuarta a bheith ar fáil i lámhscríbhinn de chuid an Deiscirt san 18ú hAois.

Breataine.<sup>3118</sup> Is éisean, ar ndóigh, an tEaspag Thomas Hussey (c.1746-1803), a rugadh i gCo. na Mí ach a bhí ina Easpag ar Loch Garman agus Lios Mór, an té a bhíodh i dteagmháil le Edmond Burke, an t-ársaitheoir. Bhronn an tEaspag Thomas Hussey seo an lámhscríbhinn ar an gcumann an 5 Bealtaine 1773, ach níl leid ar bith feicthe agam gurbh é an scríobhaí é, ná gur chléireach é an scríobhaí seo againn, Tomás Ó hEothasaigh.

## 2.184. Séamus Ó Leanacháin, fl.1812-41

**CPD 2.** Blogh di.<sup>3119</sup> Dhá rann. 1812.

**LB Eg. 134.**<sup>†</sup> Cuid di. ‘Críocha Déanacha an Duine’, nótaí gramadaí (i mBéarla), ‘Achtughadh (?) agus Beatha Mherlínó’, dán cráifeach.

**LB Eg. 213.**<sup>†</sup> ‘Oidhe Chloinne hUisneach’.

**LJR Ir. 72.**<sup>3120</sup> Cuid di. ‘Agallamh Phádraig agus Oisín’, dánfhocail, tairngreacht, ‘Agallamh Thoirdealbhaigh Mhoir Mhig Uidhir leis an mBás’.

1841. [? Do *Thadhg Ó Coinnialláin*].<sup>3121</sup>

---

<sup>3118</sup> Tá leabhar miontuairiscí an Committee of Antiquaries ar coimeád san Acadamh Ríoga, mar aon le cuntais agus páipéir an chumainn. Tugtar ARÉ 24E7 (1260) ar an lámhscríbhinn, agus luaitear an ‘Rev<sup>d</sup> M<sup>r</sup> Tho Hussey’ ann faoi dhó:

- (1) Ag cruinniú an 26 Aibreán 1773—  
Order’d. That one Grammar be presented to the Bodleian Library of Oxford, one to the Trinity Library of Cambridge, one to the Library of the College of Lombards, one to the Archbishop & Primate of Narbonne, one to the Society of Antiquaries of London, and one to Rev<sup>d</sup> M<sup>r</sup> Tho Hussey.
- (2) Ag cruinniú an 5 Bealtaine 1773, bhí i láthair ‘Rev<sup>d</sup> M<sup>r</sup> Hussey not of the Committee’—  
Sir Lucius O Brien informed the Committee, that he had obtained from the British Museum a Copy of the Seanchas Mor...; That the said Copy has been obtained by the Assistance of the Rev<sup>d</sup> M<sup>r</sup> Hussey, and although this had been attended with labour & Expence to M<sup>r</sup> Hussey and his Friends, they had declined Accepting of any Gratuity for the same. M<sup>r</sup> Hussey then presented to the Committee a Copy of the Seanchas Mór.  
Resolved. That the Thanks of this Committee be presented to the Rev<sup>d</sup> M<sup>r</sup> Hussey for the trouble & Expence he has been at, in obtaining the said Copy.  
And thanks were accordingly presented to M<sup>r</sup> Hussey from the Chair.

<sup>3119</sup> Féach nóta 3100 thuas.

<sup>3120</sup> Lámhscríbhinn bheag páipéir (20 leathanach) ‘nach ionann crot ar bith [di] agus don bpríomhleabhar’ (Mac Lochlainn 1972: 110), agus a ceanglaíodh leis lá ní b’fhaide anonn.



Bhí CPD 2, a bhí i seilbh Bháiteir Uí Eisleanáin sa bhliain 1759, i gcuasach Shéamuis Uí Leanacháin idir na blianta 1812 agus 1820.<sup>3122</sup> Is spéisiúil go bhfuair Séamus Ó hArdagáin greim ar dhá lámhscríbhinn de chuid Shéamuis, LB Eg. 134 agus LB Eg. 213, go garr i ndiaidh a scríofa.<sup>3123</sup> Thuigfí ó nóta atá in LJR Ir. 72 gur féidir go raibh aithne ag Séamus Ó Leanacháin ar Thadhg Ó Coinnialláin,<sup>3124</sup> nó go raibh ceangal éigin aige leis, ach níl a ainm i dtaifid an *Irish Society*,<sup>3125</sup> na cinn a tháinig anuas chugainn, cibé rud é. Tá a chuid peannaireachta luaineach, agus an ortagrafaíocht maith go leor, ach tugann sí fós cúpla leid dúinn faoina chanúint.

## 2.185. Pádraig Ó Loingsigh, ob.1838(?)

[Patrick Lynch]

**LB Add. 18747.** ‘Oratio Funeris Eoghain Uí Néill ... 1744’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, ‘Bruidhean Chéise Corainn’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’. Dún Dealgan,<sup>3126</sup> An Lú 1800. [Do *Shomhairle Ó Coltran*].<sup>3127</sup>

**LB Add. 18748.** Formhór di.<sup>3128</sup> ‘Imtheacht na Tromdháimhe’, ‘Táin Bó Cuailnge’. 1800. Do *Shomhairle Ó Coltran*.

<sup>3121</sup> Tadhg Ó Coinnialláin (c.1780-1854) nó Thady Connellan, ball iomráiteach de na cumainn bhíoblóireachta. Tugtar cuntas cuimsitheach air in de Brún (2009: 14-39).

<sup>3122</sup> Féach CPD 2, ff. [i]v, 1v.

<sup>3123</sup> Dhíol Séamus Ó hArdagáin LB Eg. 134 agus LB Eg. 213 le hIarsmalann na Breataine sa bhliain 1832. Féach nóta 150.

<sup>3124</sup> LJR Ir. 72, lch 20, ‘Slán leat a Thaidhg Uí Chonallain’.

<sup>3125</sup> Is dócha gur James Lenihan a bhí air, nó James Leonard—féach Ó Mórdha (1961: 178). Ní féidir liom teacht ar aon eolas ina thaobh i dtaifid an *Irish Society* agus na gcumann eile.

<sup>3126</sup> Deirtear sa lámhscríbhinn, LB Add. 18747, f. 156, gur scríobhadh í ‘san tSradbhaile’.

<sup>3127</sup> Féach nóta 1779 thuas.

<sup>3128</sup> Tá an t-iomlán i láimh Phádraig Uí Loingsigh, ach amháin: (1) f. 128; (2) na gluaiseanna atá ar ff. 130-1 (féach nóta 1778); agus (3) an dá amhrán dhéanacha ar ff. 129-129b. Tá na hamhráin seo, *Is nach aoibhinn anois an mheadhair a bheith ag féachaint ar na gadhair*, agus *A Mheidhbh mhín, a chuisle, is réaltghlan do dhearca*, i láimh an té a scríobh an chuid is mó de ARÉ 23B19 (495), agus baineann na duilleoga sin, ar an ábhar sin, le lucht scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha. Cuimhnítear air

**LPBF 40.\*<sup>3129</sup>** *Blogh di. Amhráin. [c.1802–c.1803. Do Edward Bunting].*<sup>3130</sup>

**OB B7.\*<sup>3131</sup>** *Amhráin agus cúpla dán, cuid acu le Toirdhealbhach Ó*

*Cearbhalláin, Séamus Mac Cuarta, Bhaitéar Buidhe ———, [Seán Clárach*

---

gur aistrigh Séamus Mhac Giolla Choille, a raibh baint aige leis an scoil sin, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ go Gaeilge do dhuine de mhuintir Uí Choltran c.1818. Féach nóta 1592. Is duilleog ó lámhscríbhinn eile ar fad é f. 128.

<sup>3129</sup> Féach nóta 858 thuas, agus Moloney (2000), áit a bhfuil cuntas iontach mionsonraithe ar na lámha difriúla atá i lámhscríbhinní Bunting, agus i lámhscríbhinní eile atá bainteach lena fheachtas siúd. Tugann Moloney lámh E ar pheannaireacht Phádraig Uí Loingsigh, agus deir sí: ‘We may be certain that hand E is that of Patrick Lynch ... who was employed to collect texts for Bunting ...’ (Moloney 2000: 23 col. b). Tá plátaí den dá lámh a d’úsáideadh Pádraig le Gaeilge a scríobh i gcló aici—(1) an script choiteann, in Moloney (2000: 27, fig. 8; 146, [fig. 1-2]); agus (2) an chorrlitir (Moloney 2000: 146, [fig. 3-4]). Tugtar liosta iomlán de shaothar lámh E in Moloney (2000: 708), ar ar bunaíodh cuid mhaith den liosta thuas.

<sup>3130</sup> Ba le Bunting na lámhscríbhinní uilig ó chnuasach Ollscoil na Banríona atá ar an liosta, agus ní ceist dúinn gur bailíodh an chuid is mó den ábhar atá iontu idir mí na Bealtaine 1802 agus mí Iúil 1802, nuair a bhí Pádraig Ó Loingsigh ag déanamh turais trí Chúige Chonnacht. Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, gur scríobhadh iad uilig ag an am sin: cuid de na lámhscríbhinní atá ar an liosta thuas, is cóipeanna glana iad de dhréachtaí a chuir Pádraig ar pháipéar den chéad uair i gCúige Chonnacht. Is dóigh gur scríobhadh na cóipeanna sin i mBéal Feirste, nó i Loch an Oileáin, b’fhéidir, am éigin idir mí Iúil 1802 agus mí Dheireadh Fómhair 1803, nó tá cineál de thuiscint ann nach ndearna Pádraig obair ar bith do Bunting tar éis thriail Thomas Russell, a damnaíodh an 20 Deireadh Fómhair 1803, agus a crochadh an lá dár gcionn. Cibé rud é, is féidir linn tuairim Moloney (2000: 26 col. b) a leanúint, is é sin, gur féidir an obair a rinne Pádraig Ó Loingsigh do Edward Bunting a shuíomh sa tréimhse c.1802–c.1803. Ní hé go mbaineann an t-ábhar uilig a scríobh Pádraig Ó Loingsigh do Bunting leis an turas a rinne sé go Cúige Chonnacht; nó tá cúpla dán de chuid Oiriaila i gcuid de na lámhscríbhinní nach eol dom iomrá a bheith orthu riamh i gCúige Chonnacht, agus tá cnuasach mór dánta Muimhneacha ina lámh in OB B26 agus OB B36. De bhreis ar na lámhscríbhinní a thugtar ar an liosta, tá trí litir a scríobh Pádraig Ó Loingsigh sa bhliain 1802 istigh le OB B35.

Bhain mé na liostaí ábhar go díreach ó mhórchatalóg Moloney (2000: 183–451), áit a dtugtar cuntas mion ar dháileadh na lámh sna lámhscríbhinní seo. Lean mé an dáileadh sin lámh go dílis. Na marcanna uisce a luaitear sa chatalóg sin, bhí orm iad a fháil ar bhealach indéach, mar gheall ar leagan amach na catalóige. Is é rud a thugann Moloney (2000) i bpríomhchuid na catalóige, liosta de na cineálacha páipéir atá sna lámhscríbhinní, agus uimhreacha tagartha orthu (1, 1a, 1b, ..., 2, 2a, ..., srl.); tugann sí i gceann de na hinnéacsanna—féach Moloney (2000: 713–16)—cur síos ar na marcanna uisce, ina dtugtar, cuid mhaith den am, an bhliain a ndearnadh an páipéar, nó uimhir a bhfuil an chuma uirthi gurb í bliain déanta an pháipéir í. Ag cur uimhreacha na nduilleog sna lámhscríbhinní, iad siúd a bhfuil scríbhneoireacht i lámh Phádraig orthu, i gcomórtas leis na hinnéacsanna eile seo, is féidir a dhéanamh amach cé hiad na marcanna uisce atá ar na duilleoga a scríobh Pádraig é féin, agus na cinn a scríobh Pádraig amháin. Tugaim na blianta a luaitear sna marcanna uisce sa liosta lámhscríbhinní mar threoir don léitheoir, ach ní raibh faill agam iad a scrúdú go pearsanta. Ní chuirim san áireamh marcanna uisce na bhfordhuilleog, óir ní fios dúinn cé a cheangail na lámhscríbhinní seo, nó cá huair a ceanglaíodh iad. Téann an chuid is mó de na blianta leis an argóint go ndearna Pádraig a chuid féin den obair do Bunting idir c.1802 agus c.1803, ach tá eisceacht mhór amháin ann: OB B26, ff. 80–3v, ar a bhfuil dán i lámh Phádraig (Moloney 2000: 305). Deir Moloney (2000: 305) go bhfuil seo scríofa ar chineál páipéir 1b, nach bhfaightear áit ar bith eile sa lámhscríbhinn, agus ina bhfuil an marc uisce ‘1804’. An bhfuil sé le tuiscint as an méid sin gur scríobh Pádraig an dán seo do Edward Bunting sa bhliain 1804 nó ina dhiaidh sin? Mura bhfuil meancóg déanta ag Colette Moloney, nó agam féin, is dóigh liom é. Tá an marc uisce ‘1806’ le léamh ar OB B26, ff. 134–5v, ar ar scríobh Pádraig Ó Loingsigh agus Richard McElligott beagán ábhair.

<sup>3131</sup> Don lámhscríbhinn seo, agus lámhscríbhinní eile de chuid chnuasach Bunting, féach nóta 3129 thuas.

Mac Domhnaill]. *Marcanna uisce*: 1798, 1799, 1802.<sup>3132</sup> [c.1802–c.1803.

Do *Edward Bunting*].

**OB B10.\*** Amhráin le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, ——— O’Beirne, Allen McParlan, ——— Flin, James Powder McParlane [= Séamus a’ Phúdair Mac Parthaláin], [Peadar Ó Doirnín], Art Mac Cumhaigh, Seán Clárach [Mac Domhnaill. c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B11.\*** Amhráin agus dánta, cuid acu le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin. *Marc uisce*: 1801. [c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B15.\*** Amhráin agus dánta, cuid acu le [Seán Clárach Mac Domhnaill], ‘Daoi’ Murphy, Richard McNally, Séamus Mac Cuarta, [Peadar Ó Doirnín, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin. c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B16.\*** Cuid di. Amhráin, cuid acu le hArt Ó Máille, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Seán Ó Máille (mac Airt). [c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B17.\*** Formhór di. Amhráin, cuid acu le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, Richard McNally. *Marcanna uisce*: 1789, 1799, 1800. [c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B18.\*** Amhráin, cuid acu le Pat Kean, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin. [c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B21.\*** Cuid di. Amhráin, aistriúcháin Bhéarla. *Marc uisce*: 1789. [? c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B24.\*** Cín lae Phádraig Uí Loingsigh, amhráin, dán le [Séamus Mac Cuarta], laoi fiannaíochta. 1802. [Do *Edward Bunting*].

---

<sup>3132</sup> Féach nóta 3130.

**OB B25.\*** Amhráin le Austin O'Maily, ——— Murphy, Richard McNally.  
[c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B26.\*** Cuid di. Amhráin agus dánta, cuid acu le Seán Ó Tuama, an Mangaire Sógach, Domhnall Mac Cinnéadaigh Uí Bhriain, Cearbhallán Ó Ceallaigh, Gearóid Mac Gearailt, Uilliam Buingion, Hannraoi Mac Amhlaoibh, Aodh Buidhe Mac Cruitín, Séamus Mac Cuarta, Seán Clárach Mac Domhnaill, Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, [Peadar Ó Doirnín], ‘Aisling Mhic Uí Éiligh’. *Marcanna uisce*: 1799, 1800, 1801, 1804, 1806 (?).<sup>3133</sup> [c.1802–c.1803 [? c.1804, 1806]. Do *Edward Bunting*].

**OB B32.\*** Aistriúcháin ar amhráin a bailíodh i gCúige Chonnacht. *Marcanna uisce*: 1801, 1802. [c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

**OB B36.\*** Cuid di. Aistriúcháin ar amhráin agus ar dhánta le Peadar Ó Doirnín, Art Mac Cumhaigh, Seán Ó Tuama, an Mangaire Sógach, Domhnall Mac Cinnéadaigh Uí Bhriain, Cearbhallán Ó Ceallaigh, Uilliam Buingion, Hannraoi Mac Amhlaoibh, Aodh Buidhe Mac Cruitín. *Marcanna uisce*: 1799, 1801. [c.1802–c.1803. Do *Edward Bunting*].

An sciolladh gangaideach sin a rinne Pól Breathnach (1933: 24) ar an scríobhaí seo ina léirmheas ar shaothar Uí Chasaide (1929), ‘... and one thing is sure, less space should be given to the wretch who swore away the life of the noble Thomas Russell, executed in 1803’, is iomaí duine a déarfadh anois nach raibh sé tuillte ag Pádraig bocht Ó Loingsigh. Is le blianta beaga anuas amháin atáthar ag caitheamh leis an scoláire díograiseach sin mar ba chóir, tharla an bhaint a bhí aige le triail agus le bás Thomas Russell. Is dóigh gur músclaíodh spéis úr ina chuid oibre mar gheall ar thaighde a rinne triúr air le déanaí—Mac Giolla Fhinnéin (1993), Mac Diarmada

---

<sup>3133</sup> Féach, i dtaobh an dá mharc deiridh, 1804 agus 1806, nóta 3130.

(2005; 2005*a*), agus Uí Chuinn (2010)—a thiomsaigh neart eolais air ó fhoinsí éagsúla, agus iad ag tarraingt ar an taighde tábhachtach bunaidh a chuir Fox (1911: x-xi, 39-41, 227-59) agus Ó Casaide (1927; 1929: 13-22, 27, 30-40) le chéile go mórmhór. Ba é Séamus Ó Casaide fosta<sup>3134</sup> a léirigh nár cheart do James O’Lavery (1895: 568*n.*) agus Fox (1911: x-xi, 20, 43, 258) a áiteamh gurbh ionann an Pádraig Ó Loingsigh seo againn agus an scoláire, Pádraig Ó Loingsigh Chuinche—an té a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath sna 1810í—cé go dtugann Charlotte Milligan Fox í féin le fios áit amháin go raibh sí in amhras gurbh ionann iad. Tugtar trí chuntas mhaithe sholáite eile ar an scríobhaí seo againn, Pádraig Ó Loingsigh Loch an Oileáin, in Ó Buachalla (1968: 29-34, 37-9, 43-4, 60), Moloney (2000: 145 col. b – 148 col. a), agus in *Beath.* 1782-1881, 57 col. b – 58 col. a.

Ní fios cá huair go díreach a rugadh Pádraig Ó Loingsigh, agus is beag atá ar eolas faoi bhlianta a óige, ach go raibh an léann san fheoil aige ó dhúchas, gur mhac le Terence Linch agus le ——— Jourdan é, b’fhéidir,<sup>3135</sup> agus gur leis an dúiche thart ar pharóiste Loch an Oileáin i gCo. an Dúin a bhain a mhuintir. Tagann sé chun solais sna taifid den chéad uair sa bhliain 1777, meastar, nuair a chuir Patrick Lynch éigin a ainm le tiomna an Easpag Theophilus McCartan (c.1700-1778), a bhí lonnaithe sa pharóiste sin ar uair a bháis.<sup>3136</sup> Bunaíodh an dáta garbh breithe a thug Uí Chuinn (2010: 31), c.1756, ar an tuiscint go raibh Pádraig breis agus 21 bhliain an tráth ar shínigh sé an cháipéis, agus nach féidir go raibh sé i bhfad ní b’aosta ná sin, ó tharla gur mhair sé seal fada ina dhiaidh sin. Tá an chuma air gurbh é an Pádraig seo againn an faisnéiseoir, rud a dhearbhaíonn dúinn gur ar éigean a rugadh roimh an

---

<sup>3134</sup> Féach, de bhreis air sin, Ó Casaide (1912: 52 *n.* (q)), Crone (1934: 50), agus Ó Casaide (1934: 118).

<sup>3135</sup> Féach an plé ar mhuintir Loingsigh i gcorp an chuntais seo.

<sup>3136</sup> Tá an tiomna i gcló in Corrigan (1912: 173-8). Shínigh ‘Patrick Lynch’ é ar an 26 Aibreán 1777—ní thugtar seoladh, ach bhí gnáthchónaí ar an Easpag McCartan i Loch an Oileáin, agus thug sé fuíollach a éastáit don fhiche baintreach agus bean tí ba bhoichte sa pharóiste an uair sin.

mbliain 1756 é, ach ní dóigh gur leor sin mar mheastúchán beacht ar a dháta breithe, mar a shíl cúpla scríbhneoir go dtí seo.

Mheas O'Laverty (O'Shea 1895: 110) gur mhac é Pádraig leis an 'Terence Linch of Lochanisland', Co. an Dúin, a bhí ina shíntiúsóir leis an aistriúchán cáiliúil sin ar *De Imitatione Christi* Thomáis à Kempis, *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg*

*Chríosda*,<sup>3137</sup> rud a cuireadh le chéile sa bhliain 1762, sin agus go raibh baill éagsúla den chlann sin ina máistrí scoile sa dúiche thart ar Loch an Oileáin. Glactar go coitianta leis an méid sin d'fhaisnéis an Mhoins. O'Laverty. Bíodh gur cosúil go mbíodh seanchas áitiúil ar fáil sa pharóiste sin thart faoin am a raibh an Moins.

O'Laverty ag scríobh leis nach bhfuil ar eolas anois,<sup>3138</sup> níl a chuntas siúd saor ó lochtanna eile: ba eisean an chéad duine, mar a dúradh cheana, a chuir an Pádraig seo againne agus Pádraig Ó Loingsigh Chuinche trína chéile. Thug Mac Diarmada (2005a: 9 col. b) faoi deara go dtugann an scríobhaí Patrick Jourdan Lynch air féin in

---

<sup>3137</sup> Is minic a thugtar Toirdhealbhach Ó Loingsigh ar an scoláire seo, ach níl leagan Gaeilge dá ainm ar fáil. Féach an méid a bhí le rá ag Ó Mórdha (1963: 156-7) i dtaobh Terence Linch,

Bhí Tarlach Ó Loingsigh ina mhúinteoir scoile. Bá [*sic*] de theaghlach é a mbíodh scoil Chlasaiceach ar siúl aca i Loch an Oileáin, ... Bhí gaol gairid ag an Tarlach Ó Loingsigh seo le Pádraig Ó Loingsigh, an té a bhailigh amhráin Ghaeilge do Bunting... Deirtear uaireannta gur mhac do Tharlach a bhí i bPádraig.

Síolraíonn an t-eolas seo uilig ó litir a scríobh an Moins. James O'Laverty sa bhliain 1887, rud a priontáladh in O'Shea (1895), mar a thaispeánann an sliocht seo as saothar Uí Chaiside (1927: xix-xx). Féach go mórmhór na línte seo as cuntas Shéamuis Uí Chaiside,

O'Laverty (*Ulster Archaeological Journal*, I, 110 [= O'Shea (1895: 110)]) states that this Terence Linch (or Lynch) was a schoolmaster in Loughinisland, and adds, apparently on the authority of John W. Hanna, ... that one of Terence's sons was Patrick Lynch, who supplied the curious stories and descriptions of antiquities in the vicinity of Dundrum and Loughinisland which are given as a parsing exercise in Neilson's *Irish Grammar*.

Níl faisnéis an Mhoins. O'Laverty saor ó locht, áfach. Ní thugann Pádraig Ó Loingsigh ainmneacha a thuismitheoirí dúinn, agus níor scríobhadh freagra nó cruthú deifínideach ar an gceist seo go fóill, ach thig linn a bheith measartha cinnte gurbh i gCo. an Dúin a cuireadh *Tóruidheacht na bhFíreun air Lorg Chríosda* le chéile ar ábhair éagsúla, mar gheall ar an liosta síntiúsóirí go príomha. Ní ceist dúinn, cibé rud é, gurbh as Loch an Oileáin do Terence Linch: tugtar 'Terence Linch of Lochanisland' air sa liosta síntiúsóirí. B'fhéidir nach aon chomhtharlú é gur tharla páipéir i lámh an údair anaithnid seo i seilbh an Dra Somhairle Briosaín (*q.v.*), a raibh daoine muinteartha leis, agus cairde aige, ag cur fúthu sa chontae sin, áit ar rugadh a athair. Tugtar eolas ar an Ath. James Pulleine (*ob.c.1776*), ar a leagtar an t-aistriúchán sin de ghnáth, i nóta 618 thuas.

<sup>3138</sup> Tugtar air 'last of a hereditary line of teachers at Loughinisland, who occurs as a witness to a will there in 1777 ...' (de Brún & Herbert 1986: xvii col. a).

dhá nóta a scríobh sé ar pháipéir Bunting;<sup>3139</sup> dealraíonn sé, de réir nósanna an Tuaiscirt, gurbh é Jourdan sloinne breithe a mháthar. Díreach mar a thug de Brún & Herbert (1986: 12 col. b – 13 col. a) faoi deara, agus iad ag gabháil do chatalóg ar lámhscríbhinní Cambridge a chur in eagar, tá cuntas ar mhac leis, is dóigh, i gceann de na lámhscríbhinní ann, ‘Dan Lynch, October 10, 1789, a son of Patt Lynch of Loughonisland and County of Downe ...’, nóta fáin a scríobhadh i spás a fágadh bán in C Add. 3083 (8).<sup>3140</sup> Más fíor go raibh mac measartha aibí ag Pádraig in 1789, chomh haibí sin go raibh lámh fhorbartha aige, thiocfadh sin go maith le faisnéis thiomna na bliana 1777, sa dóigh nach bhféadfadh sé gur tháinig Pádraig ar an saol níos luaithe ná lár na 1750í, agus b’fhéidir cúpla bliain roimhe sin. Níl ainm bhean Phádraig ar eolas agam. Déarfai beagán eile i dtaobh na dtaifead seo ar ball beag.

Is iad na blianta idir 1794 agus 1803 an tréimhse is fearr taifeadta ina shaol, agus ba é Thomas Russell a chuir tús agus deireadh tobann léi, ar dhóigh; nó ba in 1794 féin a casadh Thomas Russell agus Pádraig Ó Loingsigh ar a chéile den chéad uair i Halla an Línéadaigh i mBéal Feirste.<sup>3141</sup> Ní fios dúinn goidé a thug Pádraig Ó Loingsigh go Béal Feirste sa chéad áit, ach bhí neart spéise á cur i gcúrsaí Gaeilge agus ceoil sa chathair sin le fada an lá faoin am sin; agus is dóigh go raibh Pádraig eolach air.

Tharla go raibh sé ina scoláire maith Gaeilge, is cosúil gur tuigeadh dó go mbeadh pátrúin ann a dhíolfadh leis, b’fhéidir, as ábhar a chóipeáil. Is féidir, ar ndóigh, go raibh tréimhsí caite ag Pádraig ag obair scaití i mBéal Feirste faoi thús na bliana 1794,<sup>3142</sup> ach níl aon eolas againn i dtaobh a chuid gníomhaíochtaí nó gur thosaigh sé a mhúineadh na Gaeilge do Thomas Russell an bhliain sin. De réir mar a d’fhás spéis

---

<sup>3139</sup> OB B25, f. 42v, bunoscionn, ‘Patrick Jourdan Lynch / Patrick Jourdan Lynch / P. Jourdan Lynch’.

<sup>3140</sup> Lch 189. Scríobh Pádraig Mac Oghannáin (*q.v.*) an lámhscríbhinn in 168<sup>5</sup>/<sub>6</sub>.

<sup>3141</sup> Ceapadh Thomas Russell ina leabharlannaí ann an 8 Eanáir 1794 (Ó Casaide 1927: xx).

<sup>3142</sup> Tugann fógra a cuireadh i gcló ar an *Northern Star*, an 1 Meitheamh 1795, go raibh sé ar intinn ag ‘Mr. Lynch who has lately commenced the teaching of the Irish language in this town’ graiméar Gaeilge a chur i gcló. Ní dóigh go ndéarfai sin dá mba rud é go raibh Pádraig Ó Loingsigh tar éis corradh agus bliain a chaitheamh ag teagasc na Gaeilge sa bhaile.

Russell sa teanga, nó an cairdeas eatarthu ar a laghad, rinneadh cinneadh—thar a bheith neamhphraiticiúil, caithfear a admháil—go bhfoilseodh *The Northern Star*, bolscaire na nÉireannach Aontaithe, sraith irisí Gaeilge dar teideal *Bolg an tSolair*. Ní féidir a bheith siúrálte cé leis ar rith an smaoineamh sin sa chéad áit, ná cá huair a tosaíodh ar *Bolg an tSolair* a chur le chéile go díreach, ach ní ceist dúinn go raibh baint éigin ag Thomas Russell leis an scéal. Fógraíodh ar an *Northern Star* an 1 Deireadh Fómhair 1794 go gcuirfí an saothar i gcló gan mhoill, agus tugtar le fios i bhfógra eile go raibh Pádraig ag múineadh na Gaeilge sa chathair: ‘He will instruct pupils in the art of Reading and Speaking the *Irish Language*, grammatically’.<sup>3143</sup> Níor cuireadh an saothar seo amach, áfach, go dtí mí Mheán Fómhair 1795. A fhad is a bhí an saothar á réiteach don chló, bhí Pádraig lonnaithe i mBéal Feirste, go bhfios dúinn, agus é ag teagasc Gaeilge sa chathair, mar a mheabhraíonn cúpla fógra dúinn a cuireadh i gcló ar an bpáipéar sin sa chéad leath den bhliain 1795. Ar an 5 Márta 1795, priontáladh an nóta gairid seo,

#### IRISH LANGUAGE

By request of some respectable gentlemen of Belfast, J. Lynch commenced teaching this day in one of Mr Alexander’s school rooms, Crown Entry.<sup>3144</sup>

Bhí an dearmad ceartaithe ag lucht an *Northern Star* nuair a cuireadh athchló ar an bhfógra an 8 Márta 1795:<sup>3145</sup> ba é P. Lynch an teagascóir an babhta seo. An chéad fhógra eile, atá san uimhir dar dáta an 16 Aibreán 1795, deirtear go raibh ‘Mr. Lynch’ ag teagasc na Gaeilge ‘publicly in the Academy and privately in several families’ sa bhaile. Is dóigh go raibh an graiméar de chóir a bheith ullmhaithe don chló ag

<sup>3143</sup> *Northern Star*, an 1 Deireadh Fómhair 1794. Tá an sliocht sin i gcló in Uí Chuinn (2010: 33).

<sup>3144</sup> *Northern Star*, an 5 Márta 1795. Tugtar liosta an-úsáideach in Mac Diarmada (2005a: 8 col. b – 9 col. a) de na fógraí uilig a foilsíodh ar an *Northern Star* i dtaobh *Bolg an tSolair*, agus tá cuid acu i gcló in Ó Casaide (1929: 33), Ó Buachalla (1968: 30-1), Mac Giolla Fhinnéin (1993: 101, 106-7), Mac Diarmada (2005a: 8 col. b – 9 col. a), agus Uí Chuinn (2010: 32-3).

<sup>3145</sup> Féach, do na sleachta seo uilig, na tagairtí a tugadh i nóta 3144.



Pádraig faoin 1 Meitheamh 1795, an lá ar foilsíodh nóta chun na críche sin ar an bpáipéar; fógraíodh ar an 24 Lúnasa 1795 go bhfoilseofaí an chéad uimhir de *Bolg an tSolair* an Luan dár gcionn,<sup>3146</sup> agus ón lá sin amach go dtí an 9 Meán Fómhair 1795, tá sraith fógraí sa pháipéar i dtaobh *Bolg an tSolair*. Tugtar ‘Bolg an Tsolair or Gaelic Magazine’ ar an leabhrán sna fógraí sin, agus is ar an ábhar sin a deirtear gurbh é *Bolg an tSolair* an chéad iris Ghaeilge a foilsíodh riamh. Más fíor gur cheap Thomas Russell an brollach atá leis an saothar, ba é Pádraig a bhí freagrach as an ábhar Gaeilge uilig, go bhfios dúinn—scríobh Ó Casaide (1929: 34) gur dóigh gur cheap sé na comhráite atá ann, agus is dóigh le Mac Giolla Fhinnéin (1993: 106) go raibh lámh ní ba mhó ná sin sa saothar aige.

An cur chuige a d’úsáid Pádraig leis an nGaeilge a theagasc—thig linn glacadh leis ó na comhráite beaga atá in *Bolg an tSolair* gur ábhar teagaisc atá iontu go pointe áirithe—tá sé iontach cosúil leis an modh a bhí ag Muiris Ó Gormáin. Taobh leis an ngraiméar agus leis na liostaí foclóra, tugtar ábhar breise léitheoireachta a bhí fóirsteanach don fhoghlaiméar: laoihe fiannaíochta, a baineadh as leabhar Charlotte Brooke, *Reliques of Irish Poetry* (1789); meascán d’amhráin shimplí; agus comhráite gairide le haistriúcháin Bhéarla orthu; agus tá roinnt urnaithe, agus sleachta as an mBíobla ann fosta. Is iad na comhráite an chuid is inspéise den leabhar ar fad, ar ndóigh, ach tá taispeánta ag McCaughey (1967-8: 206-8) gur bhunaigh Pádraig cuid mhaith den ábhar atá iontu ar shaothar Mhuiris Uí Ghormáin, ach go bhfuil athscríobh agus iomlánú déanta aige air.<sup>3147</sup> Chuir Muiris Ó Gormáin a chuid leabhar frásaí le chéile thart ar thríocha bliain roimhe sin i mBaile Átha Cliath, agus is eol

---

<sup>3146</sup> Tugtar an 1 Meán Fómhair 1795 mar dháta scríofa sa bhróilach in *Bolg an tSolair*.

<sup>3147</sup> Tugann Mac Giolla Fhinnéin (1993: 108-10) giotáí de na comhráite sin.

dúinn go raibh fáil ar chúpla lámhscríbhinn de chuid Mhuiris i gCo. an Dúin thart faoin am a raibh Pádraig ag cur *Bolg an tSolair* le chéile.<sup>3148</sup>

Níor foilsíodh, tá a fhios ag an saol, ach aon uimhir amháin de *Bolg an tSolair*; agus níorbh fhada nó gur fhill Pádraig ar Loch an Oileáin, áit ar ghlac sé cúram eile air féin—leagan Gaeilge de Shoiscéal Lúcaís a ullmhú don chló faoi shúil an Dra Whitley Stokes, a bhí ina oide i gColáiste na Tríonóide. Is beag nach deimhin gurbh é Thomas Russell an té a chuir Pádraig Ó Loingsigh in aithne don Dr Stokes, ó tharla an bheirt acu a bheith bainteach leis na hÉireannaigh Aontaithe, mar a dúirt Mac Giolla Fhinnéin (1993: 101). Ba é an beart a rinneadh go bhfoilseofaí an soiscéal i litriú simplithe ar mhaithe leis an bpobal léitheoireachta nach raibh an-chur amach ar léamh na teanga acu, ach a bhí ar son a labhartha. Thug cúpla scríbhneoir aird ar an bhfadhb seo ag deireadh na 18ú hAoise, fadhb a bhí ina constaic ollmhór ar theagasc an chreidimh agus eile; agus tosaíodh ar chórais nua ortagrafaíochta a cheapadh lena sárú. D’fhéach scoláirí eile leis an deacracht a réiteach ar bhealaí eile: phriontáil cúpla scoláire, Pluncead (1791) agus eile, tráchtas ghairide ar scríobh na Gaeilge thart faoin am sin; agus bhain scríbhneoirí eile úsáid as an *English character* mar áis léitheoireachta.

Fágadh ualach na hoibre uilig ar Phádraig Ó Loingsigh an córas nua a ullmhú agus Soiscéal Lúcaís a shocrú don chló. Chuir sé sampla dá chuid oibre sa phost sa Dún ar an 16 Márta 1796, ag súil le freagra éigin ón Dr Stokes. Níor tháinig sé.<sup>3149</sup> Is minic a fheictear Thomas Russell ina chineál d’idirghabhálaí<sup>3150</sup> idir Pádraig agus an Dr Stokes, nó is iad na litreacha a tháinig slán na cinn a fuarthas i bpáipéir Russell.

---

<sup>3148</sup> Féach an cuntas ar Aodh Ó Néill i gCaib. 2.197.

<sup>3149</sup> Féach an dara litir a phriontáil mé sa chuntas seo, litir a scríobh Pádraig chuig Thomas Russell ar an 20 Aibreán 1796.

<sup>3150</sup> Briathra Mhic Giolla Fhinnéin (1993: 102). Níl sé soiléir ná de chóir a bheith, de dhéanta na fírinne, gur chas an bheirt acu, an Dr Stokes agus Pádraig Ó Loingsigh, ar a chéile riamh.

Leath den scéal atá iontu, ach tá a luach féin acu mar gheall ar an spléachadh a thugann siad ar an dóigh ar cuireadh an leabhar le chéile. An chéad cheann acu, is litir í a chuir an Dr Stokes chuig Thomas Russell an 5 Márta 1796,

I seal this letter with a wafer for the convenience of the gentlemen of the post office March 5 96

DEAR RUSSEL

I am extremely concerned to hear of Mrs. McDonnells illness & shall be much obliged to you to let me know how she is—Give Lynch the translation of the New Testament I sent down—with a charge to keep it clean & not to let it out of his own possession for I fear it is out of print...<sup>3151</sup>

Scríobh an Dr Stokes chuige arís ar an 12 Aibreán 1796 agus seoladh Phádraig de dhíth air, agus cibé rud a tharla, ní raibh Pádraig é féin ar a shuaimhneas faoin am seo mar gheall air nach raibh freagra faighte aige ar an nóta a sheol sé chuig an Dr Stokes an 16 Márta 1796, agus cuid den obair a bhí déanta aige istigh léi. Chuir sé nóta chuig Thomas Russell ar an 20 Aibreán 1796 fá dtaobh de na deacrachtaí a bhí aige,

DR. SIR,

I have been in expectation of the answer of my letter to Dr. Stokes, for a month past; I am now uneasy about it; I wish to have your opinion—I fear, there has been some miscarriage; I think the doctor has had sufficient time to consult with his friends, and to have the specimen I sent him, examined.

My letter was duly posted in Down—on the 16 of March, the post left Down next morning; the Direction was—Dr. Stokes Trinity College Dublin—do you believe he would’nt receive this letter, unless he had been out of the city? I instructed the Doctor to direct to me—Lynch Loughanisland, care of Michael Crawford Downpatrick—now Crawford is well known at the post office, and has made dayly enquiry—perhaps the Doctor has mistaken my direction.

I am proceeding on with the work—as I told Dr. Stokes according to the method I judge most eligible; but I expected advice, from him; all I would

---

<sup>3151</sup> Ba é Séamus Ó Casaide (1929: 16-18) a tharraing aird ar thábhacht na litreacha seo mar fhoinsí eolais ar Phádraig Ó Loingsigh. Tá siad ar caomhnú sa *Russell Correspondence* i gColáiste na Tríonóide, agus tá athchló ar na cúig litir atá bainteach le Pádraig Ó Loingsigh in Mac Giolla Fhinnéin (1993: 102-5).

have written prior, must be written over again. I have now ten chapters done, and I find I can write more than a chapter in a day, and henceforth can write it so correctly that there would be no need of its being re-written provided the method is approved. Dr. Stokes indeed did not require all this precaution of me but allow'd me to proceed immediately according to my own judgement; but I wish to have the opinion of others.

Dr. Sir you'll please to write to Dr. Stokes immediately—that I may hear from him as soon as possible.

You'll please write me a line or two by the bearer of this and let me have yr. thoughts on this bussiness—

and am yrs. Sincerely,

PATT LYNCH.

Loughanisland

April 20th 96

P.S. I wish to know if Mrs McDonell is recovered<sup>3152</sup>

Chuaigh coicís eile thart gan focal a bheith faighte aige ón Dr Stokes, agus lean Pádraig go dílis air leis na haistriúcháin, a bhí geall le bheith curtha i gcrích faoi thús na chéad mhíosa eile. Ní hé amháin go raibh Pádraig ar inní go raibh a fhostaitheoir imithe ó thuairisc, agus cuid dá shaothar idir lámha aige, ach léifí láithreach ar na litreacha, is dóigh liom féin, gurbh é an sórt sin duine é nár choigil a dhícheall, agus go raibh fonn air go bhfeicfeadh sé an saothar i gcló mar ba cheart. Bhí sé chomh tógtha leis an obair, agus mór as an toradh, gur thairg sé don Dr Stokes, sa chéad litir eile a sheol sé chuige, go ndéanfadh sé obair aistriúcháin agus chóipeála i gColáiste na Trionóide le linn don leabhrán a bheith á láimhseáil ag na cló-eagraithe, ionas go mbeadh sé in ann súil a chaitheamh ar na profaí agus díol as a chuid lóistíní i mBaile Átha Cliath ag an am céanna—díograis ab ábhar onóra dó ó tharla go gcaithfidh sé go raibh amhras air go bhfaighfeadh sé luach a shaothair ar chor ar bith. Níorbh é seo an chéad saothar clóbhuailte a raibh lámh aige ann, ar ndóigh, agus tharla gur

---

<sup>3152</sup> Ó Casaide (1929: 16-17); Mac Giolla Fhinnéin (1993: 103).

fhoghlaim sé mórán faoi chlódíorí agus faoin nós a bhí acu manglam a dhéanamh de theangacha ‘eachtrannacha’ mura gcoinneofaí súil orthu. Thriail sé litir amháin eile a chur chuig an Dr Stokes an 5 Bealtaine 1796,

DR. SIR,

I wrote to you on the 13 of March, the letter was posted in Down, and enclosed a part of the first chapter of Luke the spelling alter'd in two methods, in separate columns, with remarks on each, That you might shew it to judges and have their opinion and be thereby enabled to advise me I expected your answer long since; I don't know how it might miscarry? I sent you my adress; I wrote to Mr. Russell and requested him to write to you and also to let you know my adress—to wit) P. Lynch Loughanisland, care of Mr. Patk. McCartan Clough county Down—I told you (in my letter) the method I most approve'd of and that I should follow unless you sent me other instructions. I have the Gospel of St. Luke done and a part of the Acts. I have taken pains to have it correct and legible, and have good hopes that it will answer the desired end. I have tried several who never read any Irish; and find that the[y] could read this almost at first sight.

I expect to have done in about three weeks—if I have any opportunity (before that time) of safe carriage I'll send you the Gospel of St. Luke; and altho it is very legible (as you shall see) I would not wish to entrust it to printers unless I were there on the spot my self to correct proof and revise off[f] every half sheet, at least for some time untill the compositor would become familiar with the matter—otherwise to avoid blunders, is impracticable, for they'll mistake one letter for another, join two words into one, and devide one word into two: This always has been the case where Irish was printed at a distance from the writer—witness Mr. Walkers Irish Bards &c. &c. But the Testament you sent me is as correctly printed (perhaps) as any Book extant—I suppose printers understood Irish at that time.

If you can find imployment for me in your library in translating or transcribing so that I might be able to support myself in Dublin for some weeks—I would willingly go up when this is done and see it correctly printed. In the mean time you'll send me your orders, and remit me some money by any merchant in Downpatrick or otherwise, and I am

Sir yr. humble and most obliged Servant

PATT LYNCH.

Loughanisland

May 5 1796

To Doctor Stokes College Dublin<sup>3153</sup>

---

<sup>3153</sup> Ó Casaide (1929: 17-18); Mac Giolla Fhinnéin (1993: 104-5).

Caitheadh súil dhall ar a litir arís, agus scríobh Pádraig, a bhí ar tí imeacht le craobhacha leis an mbuaireamh faoin am seo, litir phráinneach chuig Thomas Russell ar an 17 Bealtaine 1796—an phríomhcheist a bhí aige: an raibh an Dr Stokes ina bheatha?<sup>3154</sup> Sin deireadh leis na litreacha a tháinig slán, agus cuireadh an saothar i bprionta i mBaile Átha Cliath trí bliana ina dhiaidh sin, in 1799, faoi ainm an Dra Stokes, *An Soisgeul do reir Lucais, agus Gniovarha na Neasbal*, agus gan ainm Phádraig a bheith luaite in áit ar bith ann, in ainneoin a dhíograise. Is féidir gur scaoileadh leis, nó gur éirigh sé as an obair, ach ní dócha é.<sup>3155</sup> Fuair Pádraig pátrún úr sa bhliain 1800, Somhairle Ó Coltran ón gCarn Beag, Dún Dealgan, dár scríobh sé dhá leabhar shubstaintiúla. Cibé acu ba é Pádraig é féin nó a phátrún a sholáthair na heiseamláirí, bhí togha na lámhscríbhinní roimhe agus é á gcóipeáil—lámhscríbhinn le Pádraig Ó Pronntaigh a scríobhadh in 1732,<sup>3156</sup> agus an chóip chailte sin de ‘Imtheacht na Tromdháimhe’ [agus de ‘Táin Bó Cuailnge’] a ghráf Peadar Ó Doirnín sa bhliain 1730, lámhscríbhinn atá imithe ó thuairisc le fada agus nach mbeadh tuairisc ar bith uirthi murab é gur athscríobh Pádraig í. Ba i nDún Dealgan a rinneadh an obair chóipeála seo (Duffy 1987: 232 n.12),<sup>3157</sup> ach níorbh fhada é ar seachrán ó lucht na Gaeilge i mBéal Feirste, nó cheap Edward Bunting—an ceoltóir clúiteach a d’fhág mórán ceol cláirsí againn—Pádraig mar scoláire Gaeilge, sa chéad leath den bhliain 1802, is dóigh. Bheartaigh Edward Bunting ar Phádraig a chur go Cúige Chonnacht faoi choinne amhráin a bhailiú ón gcosmhuintir ann.

<sup>3154</sup> Ó Casaide (1929: 18); Mac Giolla Fhinnéin (1993: 104).

<sup>3155</sup> Mar a scríobh Ó Casaide (1929: 19) agus Mac Giolla Fhinnéin (1993: 106) cheana féin, ní féidir a bheith deimhnitheach de, ná ní dócha é, go raibh baint ar bith ag Pádraig leis an dá leabhar Gaeilge eile a chuir an Dr Stokes i gcló, *Na Ceithre Suisgeula agus Gníomhartha na Neasbal: A Ngaidheilg agus A Mbéarla* (1806), agus *Seanraite Sholaimh a Ghaidheilge agus Mbéarla* (1815).

<sup>3156</sup> Is féidir go raibh COBÁC M7 agus COBÁC M8, a scríobhadh 1732[3] agus 1733, os a chomhair agus LB Add. 18747 á cóipeáil aige, mar a deirtear sa *B.M. Cat.*, ii, 379, agus in Mac Labhraí (2005: 18; 2013: 257). Féach nóta 3457.

<sup>3157</sup> Ní raibh buanchónaí ar Phádraig i nDún Dealgan; féach go dtugann sé a sheoladh poist ceart do Shomhairle Ó Coltran in LB Add. 18748, f. 125b: ‘M<sup>r</sup> Patrick Lynch, Loughan Island, Care of M<sup>r</sup> Michael Crawford, Downpatrick’. Tá an nóta sin i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 326.

Cuireadh Pádraig chuig Droichead Átha ar dtús le teistiméireachtaí a fháil ó dheartháir Edward Bunting, agus bhain sé an baile amach ar an 23 Aibreán 1802, áit ar scríobh scoláire áitiúil, Tomás Ó Doirnín (*q.v.*), cúpla amhrán do Edward Bunting cúpla mí roimhe sin. Tugadh treoracha do Phádraig cuntais agus cín lae a choinneáil, agus bhí sé le litreacha a scríobh chuig John McCracken i mBéal Feirste, a thabharfadh díolaíocht dó as a chuid oibre. Chaith Edward Bunting é féin cuid mhaith den Samhradh sin ag taisteal na tíre agus ag scríobh síos fhonn na n-amhrán. Tháinig slán, de bhreis ar an gcín lae agus na hamhráin féin, cúpla litir a scríobh Pádraig chuig John McCracken agus daoine eile i mBéal Feirste, litreacha a thugann lear mór eolais dúinn faoi chuid imeachtaí Phádraig i lár na bliana 1802. Ó tharla gur phriontáil Fox (1911: 228-57) mórán de na litreacha sin, agus sleachta fada as an gcín lae a choinnigh Pádraig a fhad is a bhí sé ag bailiú leis, ní fiú liom iad uilig a thabhairt arís, ach cúpla sliocht a léiríonn an dóigh ar díoladh leis as a chuid oibre.

Taispeánann an dara litir a scríobh Pádraig ó Bhéal an Átha, Co. Mhaigh Eo, an 7 Bealtaine 1802, gur fhág sé Droichead Átha ar an Luan, an 26 Aibreán 1802, agus gur thug sé na cosa leis go Baile Shláine, áit ar shostaigh sé cúpla uair. Lean sé air tríd an Uaimh, trí Cheanannas, agus shroich sé Achadh an Iúir i gCo. an Chabháin ar an Máirt. Chuaigh sé tríd an gcontae sin agus Co. Fhear Manach, agus tháinig sé isteach i gCúige Chonnacht bealach Chluainín i gCo. Liatroma. Níor thosaigh sé, dealraíonn sé, ag bailiú amhrán go dtí gur shroich sé Cill Fhearga, Co. Liatroma, ar an Aoine sin, an 29 Aibreán 1802. Sa litir áirithe sin a scríobh Pádraig i mBéal an Átha an 7 Bealtaine 1802, tugann sé le fios gur dhoiligh dó cuntais chruinne oibre a choinneáil, agus go raibh sé buartha go gceapfadh Bunting gur chneámhaire a bhí ann dá bhrí sin,

I do not know how long this may take, but I am resolved to be always either writing or travelling, and to make the best I can for my employer. I am sure I shall be in want of money by the time I am at Castlebar. On my return from the mountains of Mayo, I know that every week will cost me a guinea, whether I travel or stop. Mr Bunting allowed me to keep account of every expense I should be at on account of the songs; but I find this cannot be well done, because my own travelling expense is so connected with the expense of procuring songs that I could not well keep a separate account. You will please let Mr B—— know that I expect he will allow me a guinea-and-a-half per week for altogether, and let me bear the expense for songs which may be to little purpose; at other times I will get a parcel of songs at less cost, and I would not wish to have any complaint at my return for extravagance. I am now convinced that the best way is to go about the shebeen-houses, and find out some little blasting schoolmaster, and warm his mouth with whiskey; and he will find out singers for me. For my own part, you may depend on it, I shall drink no whiskey nor spirits until I return to Belfast. I shall live as the case requires in this wild country. I hope I shall be able to show twenty-one songs for every week that I am on this tour, and more if I can.<sup>3158</sup>

Dhearbhaigh Pádraig i litir a scríobh sé an 24 Bealtaine 1802 ó Chaisleán an Bharraigh go bhfuair sé £3.8.3 istigh le litir dar dáta an 13 Bealtaine 1802,<sup>3159</sup> áit a dtugann sé cuntas fada ar an dóigh ar bhuail sé le Riocard Bairéad. Thosaigh sé a choinneáil cín lae ar an 12 Bealtaine 1802, agus leanann sé air ag scríobh nótaí fada mionsonraithe suas go dtí an 27 Meitheamh 1802, nuair a bhí sé lonnaithe i gCathair na Mart. Ón lá sin amach, níl na tuairiscí ach ‘a dismal list of dinners, breakfasts, and nights’ lodgings for which he is in debt to the landlord, M‘Mayler’ (Fox 1911: 251). Ar an 3 Meitheamh 1802, scríobh Pádraig litir chuig John McCracken, rud a d’fhág sé in oifig an phoist an lá dár gcionn, agus cé go bhfuarthas an litir sin sa chathair, níor freagraíodh í. D’iarr sé air dhá rud: ceithre nó cúig ghini a chur chuige, agus litir a chur chuig an sagart paróiste i Loch an Oileáin:

---

<sup>3158</sup> Tá an litir i gcló in Fox (1911: 231-2).

<sup>3159</sup> Tá an litir uilig i gcló in Fox (1911: 233-6).



... Dear Sir, you will please to write a line or two to the Rev. P. M'Carten of Loghin Island, and let him know that I am alive. Or send some word to my children, and it will oblige me much.<sup>3160</sup>

'[W]e would conclude that he was then a widower', a scríobh Fox (1911: 229), agus is dóigh go raibh an ceart aici.<sup>3161</sup> Nuair nár seoladh freagra chuige, scríobh Pádraig arís ar an 21 Meitheamh 1802. Chuir sé litreacha fada ansin chuig an Dr Séamus Mac Domhnaill agus chuig Mary McCracken ar an 1 Iúil 1802 agus an 2 Iúil 1802 faoi seach, agus nuair nach bhfuair sé freagra ar bith, chuir sé nóta eile chuig Mary McCracken trí theachtaire:

I wait for relief. I wrote to your brother on the 4th of June, requesting five guineas remittance. Got no answer. I am detained here wanting money. On Monday, 21st of June, I wrote to Mr John M'Cracken on the same subject. Got no answer. Saturday, the 3rd of July [*recte* an 2 Iúil 1802] I wrote to you. I have got no answer. I fear there is something wrong. My dear Miss Mary, I have been very attentive, very zealous, and very diligent in this business; I have near 200 songs; I have done all I could; yet I am detained for want of travelling charges. Your brother was to supply me. I hope you have got my letter. I am in a very uneasy situation.<sup>3162</sup>

Bhuail Edward Bunting leis, faoi dheoidh, i gCathair na Mart ar an 6 Iúil 1802 (Fox 1911: 256), agus taispeánann nótaí a cuireadh leis an gcín lae an 22 Iúil 1802 agus an 23 Iúil 1802 go raibh an bheirt acu ag obair le chéile faoin am sin (Fox 1911: 257). Ní fios cá fhad a lean siad orthu ag bailiú amhrán agus fonn, ach is dóigh gur chaith Pádraig cuid mhaith den chéad bhliain eile ag scríobh cóipeanna glana den mhéid a bhailigh sé le linn na dtrí mhí sin a chaith sé i gCúige Chonnacht. Is aisteach an ní é gur fhág Pádraig é féin lorg a chanúna féin ar chuid dár scríobh sé, mar a thug Ó

---

<sup>3160</sup> Fox (1911: 245). Deirim go gcaithfidh sé gur shroich an litir Béal Feirste, nó ní bheadh sí ar coimeád anois.

<sup>3161</sup> D'fhéadfaí a rá, ar ndóigh, go bhfuil cúpla míniú eile ar an scéal.

<sup>3162</sup> Fox (1911: 255-6).

Buachalla (1977a: 137 n.133) faoi deara, ‘The songs were collected throughout Ulster and Connaught ... but he seems to have imposed his own dialectal forms ...’ Níor clóbhuaileadh oiread agus siolla de na hamhráin a bhailigh Pádraig go dtí an 20ú hAois, agus is eol don saol gur cosúil go mór go raibh baint láidir ag imeachtaí na bliana corraithe sin, 1803, leis an scéal.

Tugann na tuairiscí a foilsíodh ar an *Dublin Evening Post*, an 25 Deireadh Fómhair 1803,<sup>3163</sup> agus a cuireadh i gcló in Ó Casaide (1929: 36-7), an t-eolas is iomláine atá againn i dtaobh na faisnéise a thug Pádraig Ó Loingsigh ag triail Thomas Russell. Is é rud a tharla, go bhfios dúinn, gur bhuail Pádraig le Thomas Russell i Loch an Oileáin ar an 22 Iúil 1803, agus gur labhair Thomas Russell leis i dtaobh an éirí amach a bhí le tarlú sa dúiche sin. Bhuail sé leis arís ar an 28 Iúil 1803. Gabhadh Thomas Russell ina dhiaidh sin, agus nuair a tháinig na húdaráis ar Phádraig i mBéal Feirste ar an 3 Deireadh Fómhair 1803, bhagair siad air é a chúiseamh in ardréas mura dtabharfadh sé a bhriathar in aghaidh a sheancharad. Cuireadh Pádraig os comhair na cúirte ag triail Thomas Russell ar an 20 Deireadh Fómhair 1803, agus tá cuntas measartha iomlán ar a ndúirt sé,

Patrick Lynch sworn. Says he is a professor of the Irish language; that he did reside nine years ago in Belfast, and for the last two years has a house in Loughin-island, where his family principally resides; he knew the prisoner and was sorry to see him there in the dock.—He met the prisoner often in the Library in Belfast—he seemed to have the care of the Library; taught the prisoner some lessons in the Irish language. On Saturday before the insurrection he came to Down, and next day he went to Loughin Island, and saw the prisoner there on Friday evening July 22, about sun-set; his house is near Fitzpatrick’s—saw a horse, and saw the prisoner take the horse; prisoner went to him and offered to shake hands with him, but he declined it, knowing him to be an outlaw, and not wishing to hurt him: told witness he was a

---

<sup>3163</sup> Tugtar an fhaisnéis chéanna i gcuid mhaith páipéar; féach *Saunders’s News-letter*, an 24 Deireadh Fómhair 1803; agus an *Dublin Evening Post*, an 25 Deireadh Fómhair 1803. Tá tuairisc an *Dublin Evening Post*, an 25 Deireadh Fómhair 1803, agus sliocht as paimfléad a foilsíodh c.1803, i gcló in Ó Casaide (1929: 36-8).

horse-jockey, and that witness was to consider him as such, and to let him pass as such. He declined speaking to him except at the house, where he told prisoner that all he wished to know was if he could go in safety to Belfast, as he heard it rumoured a rising was to be? ... Saw prisoner on Saturday the 23rd in a small room at Fitzpatrick's; ... advised prisoner to desist from what he heard he designed. ... Cross-examined by Counsellor Bell—Says there was no rising, and everything appeared quiet, and so continued; he first gave information to the solicitor-general; was arrested in Belfast on Monday fortnight, and is in confinement; came from the gaol to the court; was to be tried for treason; says he was not conscious of being guilty, was told it was his duty to tell truth; has reason to think he was not in danger; ... did not give information earlier on account of the respect he had for Russel; he was a friend and a benefactor, and wished not to be his prosecutor.<sup>3164</sup>

Crochadh Thomas Russell an lá dár gcionn, agus bhí ar Phádraig filleadh ar an gcúirt le faisnéis a thabhairt ag triail James Drake, a cuireadh chun báis ar an 22 Deireadh Fómhair 1803. Is dóigh gur ligeadh Pádraig saor ina dhiaidh sin, agus téann Pádraig as amharc i ndiaidh an 21 Deireadh Fómhair 1803, nuair a bhí an gníomh déanta aige, sa dóigh gur scríobh Séamus Ó Casaide (1912: 52 *n. (q)*) corradh agus céad bliain ina dhiaidh sin go raibh an chuid eile dá shaol 'wrapt in mystery'. An té a ghlacfadh an seasamh céanna agus a ghlac Pól Breathnach i dtaobh Phádraig, níorbh olc an mhaise dó a mheabhrú nach ceist dúinn fosta an chríoch a bhí i ndán do Phádraig dá loicfeadh sé a bhriathar a thabhairt. Thart faoin am ar gabhadh Pádraig i mBéal Feirste, cúisíodh fear óg i Loch an Oileáin in ardréas, le brú a chur air na mionna a thabhairt in éadan Thomas Russell—dhiúltaigh sé, ar chomhairle a athar, eolas ar bith a thabhairt, agus chuir na húdaráis chun báis é.<sup>3165</sup> Ní ceist dúinn gur ghéaraigh sin cuid mhaith cibé tuairim a bhí ag muintir Loch an Oileáin ar Phádraig. Is eol dúinn fosta go raibh muirín ag Pádraig an uair a gabhadh é, agus go bhfuil leid againn gur bhaintreach fir a bhí ann an uair sin. Díol fuatha a bhí sa Dr Séamus Mac

<sup>3164</sup> *Dublin Evening Post*, an 25 Deireadh Fómhair 1803.

<sup>3165</sup> Insítear an scéal sin in Mac Giolla Fhinnéin (1993: 121-2).

Domhnaill faoin am sin, mar gheall ar an bhfeall a rinne sé ar Thomas Russell, agus diomaite de nach bhfuil sé scríofa áit ar bith, go bhfios dom, goidé mar a caitheadh le Pádraig Ó Loingsigh tar éis bhás Thomas Russell, thig linn glacadh leis nach raibh fáilte roimhe ach chomh beag i mBéal Feirste. An méid sin ráite, is féidir go raibh Pádraig fós ag obair do Edward Bunting in 1804, nó thart faoin am sin.<sup>3166</sup> Blianta ina dhiaidh sin, mhínigh an Dr Mac Domhnaill do R. R. Madden, staraí na nÉireannach Aontaithe, gur thug cuid mhaith dá sheanchairde a gcúl leis,

I had not done it an hour until I wished of all things it was undone. I need not dwell upon what passed soon after, when Patrick Lynch was apprehended and fixed upon to identify Russell, in which transaction Lynch was entirely blameless in my opinion.

Three friends of mine, John Templeton, his sister and Miss Mary M'Cracken refused soon after to speak well of me, and a subscription I had been in the habit of paying to Miss Russell was returned to me. These things vexed me more than I can express, but without any explanation on my part, all these persons returned to my friendship.<sup>3167</sup>

Más fíor do Sheán Ó Donnabháin (O'Donovan 1845: lx), thug Pádraig cuidiú do scoláire eile, an tOir. Uilliam Mac Néill (*q.v.*), a leabhar gramadaí, *An Introduction to the Irish Language* (1809),<sup>3168</sup> a réiteach fosta. Ní ceist dúinn, mar a scríobh Mac Giolla Fhinnéin (1993: 111), go bhfuair an tOir. Uilliam cuid mhaith dá ábhar in *Bolg an tSolair* (1795), ach gur beag an bhaint a bhí ag Pádraig leis an ngraiméar anuas air sin; tuairimíonn Mac Giolla Fhinnéin (1993: 111) gurbh é an tOir. Uilliam a bhailigh na comhráite a thugann luach ar leith don saothar. Ní bhfuarthas faisnéis láidir go fóill a thacódh leis sin, áfach, ach tá an chuma ar an scéal go raibh baint

---

<sup>3166</sup> Tá ciall ag baint le tuairim Fox (1911: 43), 'We can well believe that Lynch... was no longer employed by the M'Crackens and their ally', ach is féidir (féach nóta 3130) go raibh baint ag Pádraig le Edward Bunting c.1804.

<sup>3167</sup> Fox (1911: 44). Féach fosta Ó Casaide (1927: xxv).

<sup>3168</sup> Má chuidigh, baineadh mí-úsáid as a chuid scileanna arís, nó níor luadh sa saothar sin é. Ach ní bheadh ar an Oir. Uilliam Mac Néill brath air go mór; ba scoláire Gaeilge é fosta, rud atá soiléir ón gcuntas a scríobhadh air i gCaib. 2.90 thuas.

éigin ag Pádraig leis an saothar. Scríobhadh brollach an ghraiméir sin ar an 1 Márta 1806, agus ní fios ar lean Pádraig air ag cóipeáil lámhscríbhinní ina dhiaidh sin—is dóigh le Mac Diarmada (2005a: 10 col. b) gur féidir gur thug Pádraig a chúl ar fad don teanga mar gheall ar imeachtaí na bliana 1803, cé gur fearr le hUí Chuinn (2010: 44) an smaoineamh gur ‘deacair glacadh leis ... gur mhaolaigh riamh ar a spéis i gcultúr ná i saíocht na teanga’. Níl mé in ann a rá cé acu atá ceart, agus níl aon eolas againn faoi na blianta deiridh dá shaol ach go bhfuil sé le tuiscint ó sheanchas na háite gur fhill Pádraig ar Loch an Oileáin, go bhfuair sé bás ann, agus gur adhlacadh é i reilig an pharóiste (Mac Diarmada 1993: 122-3). D’iarr an Dr Séamus Mac Domhnaill ar Edward Bunting, i litir gan dáta a chuir sé chuige c.1839, ligean dó ‘Lynch’s journal’ a léamh,<sup>3169</sup> ach ní thugtar le fios inti cé acu a bhí Pádraig beo nó marbh an uair sin. Caithfidh sé go bhfuair sé bás am éigin sa chéad leath den 19ú hAois, agus is fiú plé a dhéanamh ar an taighde a bhailigh Mac Giolla Fhinnéin (1993: 100, 122-3), agus Mac Diarmada (2005; 2005a) ach go mórmhór, i dtaobh a bháis agus faoi mhuintir Loingsigh.

Ní luann Seán Ó Donnabháin Pádraig áit ar bith ina chuid litreacha nuair a thug sé cuairt ar Loch an Oileáin sa bhliain 1834, agus é ag obair don tSuirbhéireacht Ordanáis; ní dócha go raibh a fhios aige an uair sin go raibh ann do mhuintir Loingsigh riamh. Fágann sin muid taobh le seanchas, taifid pharóiste agus tagairtí doiléire as seo amach. Tá iontráil amháin i gclárleabhair pharóiste Loch an Oileáin atá fóirsteanach, nó nach dtagann salach ar an eolas atá againn—‘Pat Lynch a broth[er] of Eliza W[ife ...] Pat Mc’ a fuair bás nó a cuireadh i dtalamh ar an 27 Samhain 1838,<sup>3170</sup> tagairt a d’aimsigh Brian Mac Giolla Fhinnéin (1993: 122) tamall

<sup>3169</sup> Tá an litir i gcló in Fox (1911: 282).

<sup>3170</sup> Tá an teastas sin i gClár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, Loch an Oileáin, 1805-52, agus theip orm meabhair a bhaint as ina iomláine nuair a scrúdaigh mé an clár ar mhionscannán sa Leabharlann

ó shin, ach cuireadh leis an scéal ó shin. D'aithin Mac Giolla Fhinnéin (1993: 122-3) é féin go raibh an Pat Mc seo le ceangal le hiontráil eile, i dtaobh Pat McMullan, siúinéir, a phós bean darbh ainm Eliza Lynch. Céiliúradh an pósadh ar an 14 Feabhra 1833.<sup>3171</sup> Bhí cuimhne éigin ag roinnt seanóirí áitiúla chomh mall leis na 1990í ar mhuintir Loingsigh nuair a bhí Mac Giolla Fhinnéin (1993) i mbun taighde orthu, ach is doiligh a dhéanamh amach an pháirt go díreach a bhí ag na baill dheireanacha de mhuintir Loingsigh Loch an Oileáin le Pádraig. Creidtear gurbh iad Ellen Lynch (1842-1895) agus Thomas Lynch (1844-1912) an bheirt deiridh dá sliocht, mac agus iníon le Patrick Lynch éigin, de réir chlár an pharóiste, agus nárbh é an scríobhaí é go deimhin; taispeánfar ar ball beag gurbh í Mary O'Toole a máthair.<sup>3172</sup>

De bhreis ar an eolas atá i gcló i dtaobh mhuintir Loingsigh in Mac Giolla Fhinnéin (1993: 100, 122-3), thug taighde a d'fhoilsigh Mac Diarmada (2005; 2005a) le déanaí léargas úrnua dúinn ar an gceist: chuir sé ar fáil in aon alt amháin (Mac Diarmada 2005: 6 col. a – 7 col. b) liosta iomlán de na tagairtí a dhéantar do dhaoine dar sloinne Lynch(y) i gclár an pharóiste, agus i dtaifid talún agus eile a tháinig ina threo. Cé go mbaineann na taifid seo uilig leis an 19ú hAois, tá a luach féin acu go deimhin, agus déanann sé amach go raibh suas le seisear fear darbh ainm Patrick Lynch ag cur fúthu sa pharóiste sa tréimhse sin, nó thuigfí sin ó na taifid. Maidir leis

---

Náisiúnta, toisc go bhfuil cuid mhaith den scríbhneoireacht sa chlárleabhar iontach doiléir doléite. Níor bheag an cuidiú dom an léamh a rinne Mac Diarmada (2005: 7, col. a, 9 col. a – 9 col. b) cheana féin; agus, ag cur na dtagairtí éagsúla a dhéanann sé don taifead le chéile, is féidir an léamh sealadach seo a sholáthar,

‘27 [Samhain 1838?]. Pat Lynch a broth[er] of Eliza W[ife ...] Pat Mc [...] / [...] scholar [...] man[y ... a]ccuse Lynch en[...].’

Déanfar plé ar an taifead seo arís ag deireadh an chuntais seo.

<sup>3171</sup> Teastas pósta Pat McMullan, ‘joiner’, agus Eliza Lynch, an 14 Feabhra 1833; tá sé i g*Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, Loch an Oileáin*, 1805-52, agus tugann Mac Giolla Fhinnéin (1993: 123) agus Mac Diarmada (2005: 6 col. b), tatal ar an eolas atá ann.

<sup>3172</sup> Ar an drochuair, ní bhacadh an té a choinníodh na taifid le hainm na máthar a chur ar na taifid bhaiste mar riail, agus ní bhíonn trácht ar mháithreacha na leanaí go dtí gur ghlac cléireach eile an cúram sin air sa bhliain 1847. Féach seanchas Éamonn Uí Thuathalaigh, áit a dtugtar le fios go raibh Patrick Lynch, athair Ellen Lynch agus Thomas Lynch, pósta le bean dar shloinne O'Toole. Is eol dúinn ó fhoinsí eile, mar a fheicfear ar ball beag, gurbh í Mary O'Toole iníon John O'Toole í bean Patrick Lynch, agus go bhfuair sí bás sa bhliain 1880.

an áit ar cuireadh Pádraig, tugann dhá agallamh ghearra spléachadh spéisiúil ar an gceist, an t-agallamh a rinneadh le Paul Rooney (1991) ach go háirithe, agus an ceann eile le hÉamonn Ó Tuathalaigh (1992), ar tógadh a sheanathair, Edward O’Toole (c.1863-1946), le tuismitheoirí an Ellen Lynch agus an Thomas Lynch dár tagraíodh thuas, Patrick Lynch agus Mary O’Toole. Féach an seanchas a bhí ag Éamonn Ó Tuathalaigh faoin uaigh,

S. Mac D: “What about Patrick Lynch’s grave?

Éamonn: There is a gravestone where uncle Pat (i.e. Thomas Patrick O’Toole) is buried – that is the Lynches’ grave – there was a stone (previously) – just Lynch (carved) on it.

S. Mac D: What happened to that stone?

Éamonn: I know nothing about that.

S. Mac D: What about Lynch’s holding on Lough Hill?

Éamonn: Ellen & Thomas Lynch never married – had no family – they just left it to Eddie because he was there. We (the O’Tooles) are only connected to the Lynches by marriage. – It looks like the descendants of Pat Lynch have died out.”<sup>3173</sup>

Seo an scéal a bhí ag Paul Rooney faoin leac uaighe,

F[rancis] G[allagher]: I wanted a word about Patrick Lynch’s grave – a headstone just at the back of O’Toole’s (headstone) and that’s the one Lynch is supposed to be buried there.

P.R: Facing the lake.

F.G: And you’ve seen a gravestone on it?

P.R: I did, aye, I did.

F.G: Was there an inscription on it?

P.R: There was, aye, at the time. It was more or less a field stone, you see, with a Lynch on it.

F.G: A field stone?

P.R: Aye, like a grave stone, but it was more or less – wasn’t like what you’d call a headstone – it was cut out on a stone.

F.G: And Lynch’s name was on it – do you know where that headstone went to?

P.R: I do not. No. ... Aye. They could have been thrown into the lake, you see. I mind it there. ... Aye. I mind it there.”<sup>3174</sup> Just straight behind O’Toole’s

<sup>3173</sup> Agallamh le hÉamonn Ó Tuathalaigh, an 26 Bealtaine 1992, a rinne Seán Mac Diarmada, agus a cuireadh i gcló in Mac Diarmada (2005a: 11 col. a). Cheartaigh mé earráid chlódóireachta nó dhó.

<sup>3174</sup> Tá sé á rá anseo gur cuimhin leis an uaigh; ní hé go dtugann sé aire di.

there was a gravestone and that is where Lynch was too. ... Aye it's partly down the hill and when old Eddie died they came up and made the grave a wee bit further up because there was too much on the bank – more on the slope. ... **That is where he is buried, because I know.** Lynch's name was on the stone – it was a kind of an old sandstone with the name cut out of it – Patrick Lynch.

F.G: There was no date on it – was there?

P.R: There was – what's this it was? 1833 ... I think that would be it. They were dead, you see, before the 1900's – the Lynches ...<sup>3175</sup>

Mhaithfí don té a chuirfeadh 1833 agus 1838 trína chéile ina mheabhair, nó a léifeadh go contráilte iad ar sheanleac uaighe; agus bheadh iontaoibh láidir agam as an gcuntas seo. Cé go bhfuil an deargádh orainn go bhfuil taifid sochraide nó adhlactha ar fáil don 19ú hAois uilig, nó gar dó, b'fhiú cuimhneamh air nach mbactaí leis na taifid seo a choinneáil go cúramach mar a dhéantaí, mar dhea, le baistí agus le póstaí, ó nach sacramaint cheart de chuid na hEaglaise í an tsochraid. Is minic nach gclúdaíonn na taifid seo ach reilig amháin i roinnt paróistí eile. Ba mhinic a chuirfí marbháin i dtalamh sa pharóiste inar rugadh iad, nó lena muintir féin, ar ndóigh, agus uaireanta eile ní bhíonn sna taifid ach liostaí de mharbháin ar dhíol a muintir costais na sochraide leis an sagart. Is dócha nach bhfuil liosta iomlán againn de bhásanna a tharla sa pharóiste seo ó 1805 ar aghaidh, nó gar dó, agus dhírigh Mac Diarmada (2005: 8 col. b) ár n-aird air go bhfuil níos lú daoine dar sloinne Lynch i gclár na n-adhlacthaí ná mar atá sna taifid bhaiste.<sup>3176</sup>

Is fiú plé a dhéanamh ar an seanchas a bhí ag Éamonn Ó Tuathalaigh, a bhí fós ina bheatha sa bhliain 1992, i dtaobh mhuintir Loingsigh, óir tugann sé léargas indíreach dúinn ar na blianta deiridh de shaol Phádraig Uí Loingsigh. Scríobh muid gur tógadh

---

<sup>3175</sup> Agallamh a rinne Francis Gallagher le Paul Rooney (a rugadh in 1903) an 13 Iúil 1991; tá sé seo i gcló in Mac Diarmada (2005a: 11 col. a – 11 col. b).

<sup>3176</sup> San am sin, nuair a d'fhaigheadh cuid mhaith páistí bás sular shroich siad cúig bliana d'aois, ba mhinic, dealraíonn sé, nach mbacadh cuid mhaith den bheagán sagart a choinníodh taifid ar adhlacthaí le básanna leanaí a thaifeadh.



seanathair Éamonn Uí Thuathalaigh, Edward O'Toole (c.1863-1946), sa teach céanna ina raibh cónaí ar Ellen Lynch (1842-1895) agus Thomas Lynch (1844-1912). Níor phós Ellen Lynch ná Thomas Lynch riamh, agus tháinig deireadh leis an gcraobh sin de mhuintir Loingsigh nuair a fuair siad bás. Ceanglaíonn Mac Diarmada (2005: 8 col. b) Ellen Lynch agus Thomas Lynch leis an mbeirt úd a dtugtar a n-ainmneacha agus dátaí adhlactha i gclár an pharóiste: Ellen Lynch, 'Lough Hill, Annadorn', a adhlacadh [nó a fuair bás] an 21 Feabhra 1895; agus Thomas Lynch, 'Annadorn', a adhlacadh an 9 Bealtaine 1912 in aois a 68 mbliana.<sup>3177</sup> Tugtar an aois chéanna ar a theastas báis—cailleadh Thomas Linchey, baitsiléir, 68 mbliana d'aois, ar an 9 Bealtaine 1912, agus ba é Edward O'Toole a thug an t-eolas i dtaobh a bháis.<sup>3178</sup> Tá giotáí breise eolais ar theastas báis Ellen Lynch a ligeann dúinn í a cheangal leis an mbean a raibh Edward O'Toole in aontíos léi. Cailleadh Ellen Lynch ar an 21 Feabhra 1895 in aois a 48 mbliana [52 bhliain ó cheart], agus ba é Edward O'Toole a thug an t-eolas don chláraitheoir áitiúil.<sup>3179</sup> Bean shingil a bhí inti, agus deirtear gurbh iníon scolóige í, cé go raibh a hathair marbh le spás an uair sin.

Bhí cónaí orthu ar \*Chnoc an Locha [Lough Hill]<sup>3180</sup> in Eanach Dorn, agus fágadh na tailte a bhí acu ag Edward O'Toole (c.1863-1946). Rugadh Edward O'Toole i Sasana c.1863, agus fuair a mháthair bás an uair a bhí sé ina thachrán. Bhog a athair ar ais go Loch an Oileáin, agus roinn sé na páistí uilig a bhí aige ar a mhuintir féin.

<sup>3177</sup> Tugtar an méid sin eolais sna cláir Chaitliceacha. Féach Mac Diarmada (2005: 7 col. b), agus Mac Giolla Fhinnéin (1993: 100), áit a dtugtar an t-eolas céanna ach i dtaobh Thomas Lynch amháin.

<sup>3178</sup> Teastas báis Thomas Linchey, 'Anadorn' (ina bhfuil 'Lough Hill' suite), scológ, a fuair bás gan pósadh an 9 Bealtaine 1912, in aois a 68 mbliana. Thug Edward O'Toole, 'Anadorn', an t-eolas sin don chláraitheoir an 17 Bealtaine 1912 (*OAC*, Cláruimhir: 5243585).

<sup>3179</sup> Teastas báis Ellen Lynch, 'Annadorn', iníon scolóige, a fuair bás gan pósadh an 21 Bealtaine 1895, in aois a 48 mbliana. Ba é Edward O'Toole, 'Annadorn', a thug eolas don chláraitheoir an 1 Márta 1895 (*OAC*, Cláruimhir: 3468291).

<sup>3180</sup> Mionainm nach bhfuil leagan ceart Gaeilge ar fáil dó go fóill, ach téim leis an leagan Gaeilge a d'úsáid Mac Giolla Fhinnéin (1993: 99), \**Cnoc an Locha* [Lough Hill].

Cuireadh Edward, mar a thugann Mac Giolla Fhinnéin (1993: 100) le fios, chuig deirfiúr a athar a raibh na trí scór sáraithe aici nó geall leis, agus bhí sí pósta ar fhear darbh ainm Patrick (Pat) Lynch. Thig linn a bheith sásta go bhfuil an seanchas a thug Éamonn Ó Tuathalaigh ceart agus iontaofa, agus ní hé go gcaithfear glacadh lena scéal agus déanamh dá réir, cheal eolais eile, óir téann taifid an pharóiste go maith lena chuid béaloidis. Is doiligh an scéal a rianú níos faide siar ná an ghlúin sin.

Sin an scéal mar atá sé i gcló ag Mac Giolla Fhinnéin (1993: 100), agus phriontáil sé, mar thacú leis sin, taifead pósta Patrick Lynch agus Mary O'Toole. Phós siad an 6 Eanáir 1830 i bparóiste Loch an Oileáin,<sup>3181</sup> agus deirtear ar an teastas gurbh iníon le John O'Toole áirithe í Mary, agus go raibh cónaí uirthi in Eanach Dorn. An sagart a choinnigh na taifid bhaiste agus eile sa pharóiste ó 1805 amach, choinnigh sé go rialta iad, is dóigh, ach níl córas nó modh leanúnach taifeadta le sonrú orthu. Níor bhac sé, mar shampla, le hainmneacha na máithreacha a chur síos ar na taifid bhaiste, agus ní bhíonn trácht ar ainmneacha máithreacha sa chlár go dtí aimsir an Ghorta Mhóir. Fágann an easpa sin eolais gur doiligh a rá cé acu a thug duine amháin darbh ainm Patrick Lynch, nó beirt, nó triúr, fiú, saol don dáréag páistí a rugadh idir 1830 agus 1846 a ndeirtear sa chlár gur mic nó iníonacha le Patrick Lynch éigin iad. Ós rud é gur éirigh le Mac Diarmada (2005) a thaispeáint go bhfuil an sloinne iontach tearc sa chomharsanacht sin,<sup>3182</sup> trí leas a bhaint as na cláir sin agus taifid luachála,

---

<sup>3181</sup> Teastas pósta Pat Lynch, 'Magheraleggan', agus Mary O'Toole, 'Annadorn', iníon John O'Toole, an 6 Eanáir 1830; tá sé i *gClár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, Loch an Oileáin*, 1805-52. Féach Mac Diarmada (2005: 6 col. b).

<sup>3182</sup> Taispeánann na taifid nár rófháil an sloinne é Ó Loingsigh i bparóiste Loch an Oileáin, agus ní shonraítear ach ceithre thaifead ar dhaoine dar sloinne Ó Loingsigh a pósadh sa pharóiste idir 1806 agus 1900, de réir an taighde a rinne Mac Diarmada (2005: 6 col. b – 7 col. b): Thomas Lynch a phós Catherine Lennan an 20 Deireadh Fómhair 1817; Pat Lynch, 'Magheraleggan', a phós Mary O'Toole, 'Annadorn', iníon John O'Toole, an 6 Eanáir 1830; James Lynch, 'Dunmore', a phós Mary Flynn, 'Tannaghmore', an 7 Deireadh Fómhair 1832; agus Eliza Lynch a phós Pat McMullan, siúnéir, an 14 Feabhra 1833. Déantar trácht ar 16 pháiste dar sloinne Ó Loingsigh a baisteadh sa pharóiste idir 1821 agus 1851. De na 16 pháiste sin, deirtear gur mic nó iníonacha le duine nó daoine darbh ainm Patrick Lynch dáréag acu. Rugadh John Lynch, mac le Thomas Lynch, sa bhliain 1821; Mary Jane Lynch,

srl., tá údar maith againn lena rá gur rug Mary O’Toole, bean Patrick Lynch, na páistí seo idir 1830 agus 1844: Robert Lynch (1830); [? James Lynch (1832) ó ‘Artana’]; Jane Lynch (1833) ó Eanach Dorn; John Lynch (1835); Daniel Lynch (1836); Francis Lynch (1838); M. Anne Lynch (1839) ó Eanach Dorn; Anne Lynch (1841) agus John Lynch (1841) ar chúpla iad; Eleanor Lynch (1842); Thomas Lynch (1844); agus, faoi dheoidh, James Lynch (1846).<sup>3183</sup> Dúradh cheana go bhfuil Ellen Lynch (1842-1895) agus Thomas Lynch (1844-1912) le ceangal leis an mbeirt úd a bhí beo nuair a tháinig Edward O’Toole le cónaí i dteach Patrick Lynch agus Mary O’Toole. Diomaite de go dtugann cláir an pharóiste le fios gur dóigh go raibh muirín mhór ag Patrick Lynch agus Mary O’Toole, ní thugtar le fios go raibh níos mó ná an bheirt sin, Ellen Lynch agus Thomas Lynch, fós ar an mbaile an uair a bhí Edward O’Toole ag fás aníos.

Ag dul siar go dtí an ghlúin roimhe sin, déantar tagairt do thriúr eile a adhlacadh sa pharóiste sa dara leath den 19ú hAois—fear darbh ainm James Lynch a cailleadh sa bhliain 1890 agus nach fios dom goidé an pháirt a bhí aige le muintir Patrick Lynch; ‘Mrs. P. Lynchy, Lough Hill, Annadorn’ a cailleadh nó a adhlacadh an 28 Samhain 1880’; agus ‘Pat Lynch, Lough Hill, Annadorn’, a fuair bás nó a cuireadh i gcreá ar an 23 Márta 1881. Is dóigh le Mac Giolla Fhinnéin (1993: 100) agus le Mac Diarmada (2005: 7 col. b, 8 col. b) go bhfuil an Mrs. P. Lynchy agus Pat Lynch le ceangal le Mary O’Toole agus Patrick Lynch, tuismitheoirí Ellen Lynch agus Thomas Lynch.

---

iníon le John Lynch, 1841; Ellen Lynch, iníon le John Lynch, 1844; agus Pat Lynchy, mac le John Lynchy agus Margaret McGennis, sa bhliain 1851.

<sup>3183</sup> Féach Mac Diarmada (2005: 6 col. b – 7 col. b). Bhí Mac Diarmada (2005: 6 col. b) in amhras gur mac le Patrick Lynch agus Mary O’Toole é James Lynch (1832–), ar an ábhar go bhfuil ‘Artana’ curtha síos mar ionad cónaithe dó i gelár an pharóiste, ach bhí John McMullan ina charas Críost ag an mbaisteadh, agus bhí muintir Patrick Lynch mór le muintir McMullan. Dúradh i nóta 3182 go raibh Eliza Lynch ó pharóiste Loch an Oileáin pósta le fear darbh ainm Pat McMullan.

Níl mé in ann teastas báis a fháil a réiteodh le bás an Mrs. P. Lynch úd,<sup>3184</sup> ach tá teastas ann do Patrick Lynch, ‘Annadorn’, baintreach fir, a fuair bás an 22 Márta 1881 in aois a 86 bliana. Ba í Ellen Lynch a thug eolas i dtaobh a bháis. Má rugadh an Patrick Lynch sin c.1795, téann sé sin go maith leis an eolas atá againn i dtaobh mhuintir Phádraig Uí Loingsigh, sa dóigh gur dócha gur mhac le Pádraig Ó Loingsigh é Patrick Lynch (c.1795-1881). Is aisteach, mar sin, nár bhaist an Patrick Lynch seo Patrick ar dhuine ar bith de na mic a bhí aige, go bhfios dúinn, ach is féidir go raibh baint ag imeachtaí na bliana 1803 leis an scéal. Treisíonn an tagairt atá againn don mhac úd, Daniel Lynch, a rugadh in 1836, an argóint go raibh páirt an-ghairid ag Pádraig agus Patrick Lynch lena chéile—má ba mhac le Pádraig Ó Loingsigh an Dan Lynch eile úd, ‘a son of Patt Lynch of Loughonisland’, a shínigh C Add. 3083 (8) ar an 10 Deireadh Fómhair 1789, b’uncail é an Dan Lynch sin leis an Daniel Lynch a rugadh sa bhliain 1836. Rud eile, más mac le Pádraig Ó Loingsigh é Patrick Lynch (c.1795-1881), níl an tomhas atá againn ar bhliain a bhreithe bunoscionn leis an tagairt sin a dhéanann Pádraig dá chuid páistí sa litir a chuir sé chuig John McCracken ar an 3 Meitheamh 1802.

Ag filleadh siar ar an taifead adhlactha a fuair Mac Giolla Fhinnéin (1993: 122-3), taifead ina dtugtar le fios gur cuireadh Pat Lynch éigin ó pharóiste Loch an Oileáin i dtalamh ar an 27 Samhain 1838, agus go raibh deirfiúr aige, Eliza Lynch, a bhí pósta le Pat Mc[Mullan] an uair sin, tá ceist ghabhlánach amháin le freagairt againn go fóill: cén fáth ar chinn an sagart paróiste ar thagairt a dhéanamh do Eliza Lynch ar chor ar bith? Más é Pádraig Ó Loingsigh atá i gceist sa taifead seo, nár leor don sagart paróiste a scríobh gur mháistir scoile é mar chomhartha air? Léifinn féin ar an taifead nach raibh eolas ceart ag an gcléireach i dtaobh Phádraig é féin, agus gur fhág

---

<sup>3184</sup> Lena rá ar dhóigh eile, ní bhfuair mé teastas báis Mary Lynch (Lynch(e)y, Lynch(e)y) ar bith i liostaí na mblianta 1880 agus 1881 a réitíonn leis an mbeagán atá ar eolas againn ina taobh.

sé meabhrúchán sa chláir go raibh páirt aige le duine de mhuintir an pharóiste, Eliza Lynch. Cé gur fada seo ó bheith ina chruthú doshéanta nach ionann an té a fuair bás sa bhliain 1838 agus an scoláire Gaeilge, is deimhin gur bac eile é a bheidh le sárú nó go mbeifear in ann a bheith cinnte go bhfuil an taifead seo bailí. Caithfidh sé go raibh an fhadhb seo, agus eile, ag déanamh buartha do Mhac Diarmada (2005: 9 col. a – 9 col. b), óir bhí sé in amhras go mór faoin iontráil go dtí go bhfaca sé cóip iomlán di, fotachóip a thug lucht na Deoise dó; agus dealraíonn sé gur scríobhadh nóta gearr eile i ndiaidh na hiontrála seo, rud a chuir sé ar fáil in aguisín lena alt,

‘.....scholar... man(y)..... (a)ccuse Lynch en...’<sup>3185</sup>

Scrúdaigh mé féin an taifead ar na mionscannáin atá ar fáil sa Leabharlann Náisiúnta, agus cé nach leomhfainn go fóill a áiteamh nach raibh an ceart ag Séamus Mac Diarmada,<sup>3186</sup> tá an clárleabhar chomh leochaileach sin, agus an páipéar agus an dúch chomh tréigthe sin, nárbh fhéidir liom ach beagán de na litreacha a léigh seisean a dhéanamh amach. Tá an taifead féin ag bun an leathanaigh, agus toisc nach bhfuil an bhliain ar bharr an leathanaigh inléite anois, ar an ábhar go bhfuil imill na duilleoige iontach caite, is doiligh a bheith cinnte go bhfuil an bhliain 1838 i gceist ar chor ar bith.<sup>3187</sup> De bhreis air sin, tá mant mór sractha chun siúil ag bun an leathanaigh, agus is doiligh meabhair a bhaint as an gcuid is mó dá bhfuil scríofa air.

Constaic eile: an féidir linn a chreidiúint go mbeadh deirfiúr ag Pádraig, fear a rugadh timpeall 1755, a pósadh sa bhliain 1833? Má bhí sí, fiú, scór de bhlianta ní

---

<sup>3185</sup> Mac Diarmada (2005: 9 col. a – 9 col. b).

<sup>3186</sup> Cé go bhfuil mé in ann cuid de na litreacha a léigh Seán Mac Diarmada a dhéanamh amach, tá an chóip ródhoiléir le bheith siúrálte go ndearna sé léamh ceart orthu uilig. Bheadh drogall orm amhras a chaitheamh ar a bhfaca sé nuair nach bhfuil cóip mhaith shoiléir den iontráil romham.

<sup>3187</sup> Tá an chuma ar an leathanach seo, agus ar chuid de na leathanaigh eile, gur pháipéir scaoilte iad lá den saol, agus gur cuireadh ceangal úr ar an gclár lena dheisiú. Mar sin, is doiligh a bheith siúrálte gur ceanglaíodh na duilleoga uilig san ord ceart.

b'óige ná a deartháir, caithfidh sé go raibh an leathchhead agus a dhúthracht bainte amach aici faoin mbliain 1833. Baisteadh Mary McMullan, iníon le Pat McMullan éigin, sa pharóiste ar an 22 Feabhra 1834, agus sheas Eliza Lynch éigin léi.<sup>3188</sup>

Tagraítear do pháistí eile ar mhic nó iníonacha iad le fear nó fir darbh ainm Pat McMullan agus a tháinig ar an saol sna blianta a lean sin, agus bhí cuid mhaith daoine dar shloinne McMullan ina gcarais Chríost do pháistí Patrick Lynch agus Mary O'Toole.<sup>3189</sup> Taispeánann an méid sin go raibh páirt éigin ag an Eliza Lynch seo le Patrick Lynch (c.1795-1881), is dóigh; agus tá an chosúlacht ar an scéal, mar a chonaic muid cheana, gur mhac le Pádraig Ó Loingsigh é Patrick. Más iníon le Eliza Lynch an Mary McMullan a rugadh sa bhliain 1834, fágann sé sin gur rugadh Eliza Lynch i ndiaidh na bliana 1785, abraimis, agus bheadh orainn a chreidiúint go raibh deirfiúr ag Pádraig an scríobhaí a bhí corradh agus 30 bliain níos óige ná é. Is féidir gur tharla sin, ach ní dócha é. Dá nglacfaimis leis gur thug Eliza Lynch saol do chuid de na páistí eile de shliocht Pat McMullan a luaitear i gclár an pharóiste, mhéadódh sé sin arís an bhearna aoise idir Pádraig Ó Loingsigh agus Eliza Lynch.<sup>3190</sup> Is dóigh gur féidir rud amháin a bhaint as an méid seo: tá an t-eolas a thugtar i gclár an pharóiste iontach doiléir, agus go mbeadh saothar mór i gceist leis na craobhacha éagsúla de mhuintir Loingsigh a aithint óna chéile ar bhonn an eolais a thugtar ann. Dá bhfágfaimis as an áireamh na tagairtí atá againn do Phádraig Ó Loingsigh sna blianta 1777 (an tiomna) agus 1789 (athair Dan Lynch), fiú, ar an tuiscint gur dhuine eile ar fad a bhí i gceist iontu, bheadh orainn glacadh leis go fóill go raibh Pádraig

---

<sup>3188</sup> Féach Mac Diarmada (2005: 7 col. a).

<sup>3189</sup> Tugtar a gcuid ainmneacha in Mac Diarmada (2005: 6 col. b – 7 col. a).

<sup>3190</sup> Dá n-áiteoimis gurbh iníon le Pádraig Ó Loingsigh an Eliza Lynch seo, ní dhéanfadh sé seo ciall ar chor ar bith: d'fhágfadh sé sin go raibh deartháir darbh ainm Pat Lynch aici a fuair bás sa bhliain 1838, agus gur dócha, ag an am céanna, gurbh é Patrick Lynch (c.1795-1881) a deartháir fosta. Sin, nó nach raibh páirt ghairid acu lena chéile ar chor ar bith.

ina fhear aibí sa bhliain 1802, nuair a thagair sé i litir dar dáta an 3 Meitheamh 1802, mar a chonaic muid cheana, dá chuid páistí, a bhí ag cur fúthu i Loch an Oileáin.

Beidh réiteach na ceiste uainn nó go mbeifear in ann brí iomlán a bhaint as taifead

báis Pat Lynch: céim chun tosaigh atá sa líne bhreise seo a phléigh Seán Mac

Diarmada, ar dhóigh amháin nó eile; is ceist eile ar fad an dóigh ar chaith Pádraig na

blianta deiridh dá shaol.<sup>3191</sup>

## 2.186. Pádraig Ó Luain,<sup>3192</sup> ob.1860

[Patrick Lamb]

**ARÉ 24L9 (122).** Cuid di.<sup>3193</sup> ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ (cuid de). An Creagán Íocht., Ard Mhacha 1849.

**ARÉ 24L40 (820).** Tráchtas gramadaí, dánta éagsúla, ceann acu le Toirdhealbhach Mac Cumhaigh, urnaithe, aistriúcháin Bhéarla, srl. 1823.

Don Ath. *Daniel O’Rafferty*.<sup>3194</sup>

---

<sup>3191</sup> Níl bunús ceart leis an méid a dúradh go dtí seo (féach, mar shampla, Mac Diarmada (2005: 9 col. b)) faoi Ferguson agus eile a bheith ag freastal ar scoil Phádraig Uí Loingsigh i gCo. an Dúin sna 1820í, cé gur féidir go bhfuil pioc den fhírinne ann—ach is cinnte, beagnach, nach bhfuil ach caint san aer sa scéal a insítear faoi Phádraig a bheith faoi thrácht san amhrán *Ar an loing seo Phaidí Loingsigh*, óir dar le húdarás maith, Peadar Ó Gealacáin (DE Gen. 43D, lch 363), agus le scríbhneoirí eile a bhí beo sa chéad leath den 19ú hAois, chum duine darbh ainm ——— Flavell ó Cho. Mhaigh Eo an t-amhrán seo, seachas duine de scoláirí Bhéal Feirste. Tugtar ‘Contae Mhaigh Eo’ ar an amhrán fosta. De bhreis ar an méid sin, bhailigh Pádraig Ó Loingsigh é féin an t-amhrán ó Molly McNally i gCo. Mhaigh Eo sa bhliain 1802; féach OB B10, agus OB B17.

<sup>3192</sup> Sa nóta a scríobh Ó Baoill (2007: 79), luann sé gur ghráf Pádraig seacht lámhscríbhinn idir na blianta 1823 agus 1844, agus tagraíonn sé go speisialta do chuid acu—ARÉ 24L40 (820) agus LN G389. De réir an liosta atá agam féin, ghráf Pádraig sé lámhscríbhinn idir na blianta sin, agus ARÉ 24L9 (122) sa bhliain 1849. Ní heol dom go bhfuil lámhscríbhinn eile dá chuid againn a grafadh idir na blianta 1823 agus 1844.

Ní chuirtear san áireamh sa liosta lámhscríbhinní an litir a scríobh an tAth. Pádraig Ó Luain chuig Seán Ó Dálaigh an 26 Nollaig 1846, ARÉ 12E24 (907), lgh 87-8, mar aguisín le dán a bhí Art Mhac Bionaid tar éis a scríobh ar a shon. Féach nóta 1112.

<sup>3193</sup> Tugann an tAth. Pádraig Ó Luain cuntas ar an méid de ARÉ 24L9 (122) a ghráf sé i nóta dar dáta an 24 Meitheamh 1849, rud a scríobh sé ar lch 200 sa lámhscríbhinn. Ba é Seán Ó Dálaigh a thosaigh ar ARÉ 24L9 (122) a chóipeáil in 1846, de réir nóta a scríobh sé ar lch i. In 1849 amháin, dealraíonn sé, a bhí an tAth. Pádraig ag gabháil di, agus ba é Seán Ó Dálaigh é féin a chuir an saothar i gcrích, sa bhliain 1849, b’fhéidir.

<sup>3194</sup> An tAth. Daniel O’Rafferty (ob.1837), a bhí ina S.P. Chill Shléibhe Íocht., agus ina S.P. ar an Mullach Bán idir na blianta 1827 agus 1837. Tugtar nótaí gairide air in Ó Duibhir (1940: 138) agus in Ó Muirí (1994: 26-7).

**ARÉ 23077 (1386).** Blogh di. Litir, dán le Séamus Ó Teibhlin, aistriúchán Béarla. Camloch, Ard Mhacha 1844. Chuig *Seán Ó Dálaigh*.

**C Add. 4436 (19).** Formhór di. ‘Comhairle Mhic Clámha’, filíocht le hArt Mhac Bionaid, Art Mac Cumhaigh, Séamus Mac Cuarta, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a Liondain, srl., laoithe fiannaíochta. 1825.

**COFLA D11.** ‘Scáthán Spioradálta an Anma’ [= ‘An Scáthán Spioradálta’], ‘Seanmóir na Páise’, aistriúcháin Bhéarla orthu, cuid de litir le Daniel Madden, Cill Shléibhe Íocht. [1839].<sup>3195</sup>

**LN G389(9-14).** Litreacha, dánta le [Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna], Art Mac Cumhaigh, Peadar Ó Doirnín, [Séamus Mac Cuarta], nótaí beathaisnéise ar Art Mac Cumhaigh agus ar Pheadar Ó Doirnín. **1844:**—Camloch, Ard Mhacha; **1845:**—An Baile Úr, Ard Mhacha 1844-5. Chuig *Seán Ó Dálaigh*.

Ba é Énrí Ó Muirgheasa (Ó Muirgheasa 1915: 320; Morris 1931: 416-18) a chuir an chéad dá bheathaisnéis ar an Ath. Ó Luain i gcló, agus chuir Ó Tuathail (1936a: 51-3), Ó Fiaich (1973: 12-13), Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 99-101), agus Ní Uallacháin (2003: 66-7) eolas breise nach beag leis an méid sin. Foilsíodh cuid mhaith dá chomhfhreagras ar chúrsaí Gaeilge, 1844-5, in Ó Buachalla (1965);<sup>3196</sup> agus rinneadh plé ar an mbaint a bhí aige leis an *Irish Society* in de Brún (2009: 313-14). Is é an cuntas is iomláine atá ar fáil faoi, an ceann a thugtar in Ó Muirí (1994: 22-41), ar ar bunaíodh cuid mhór den eolas a thugtar air sa chuntas seo.

---

<sup>3195</sup> Maidir leis an dáta, féach an chóip den lámhscríbhinn seo a scríobh Art Mhac Bionaid, COFLA D10.

<sup>3196</sup> Tá againn litreacha óna láimh féin a bhaineann le cúrsaí eaglasta, riarachán paróistí agus eile, in áiteacha éagsúla, cuid acu i gCartlann Dheoise Átha Cliath. Tá nóta orthu in Ó Muirí (1994: 25 n.34), ach ní fhaca mé féin iad.



Ba í an pháibhíocht an chéad ghairm a ghlac Pádraig Ó Luain chuige féin, má tá seasamh ar bith sa seanchas a bhailigh Hugh Kelly air,<sup>3197</sup> agus dhealródh sé go bhfuil, óir bhí a athair, Seán Ruadh Ó Luain, ina mhangaire roimhe, nó is é an scéal a d’inis Pádraig do Sheán Ó Dálaigh i ndeireadh a bheatha go mbíodh Seán Ruadh de shíor ‘on the march’, in éineacht le Toirdhealbhach Mac Cumhaigh, deartháir leis an bhfile clúiteach, Art Mac Cumhaigh.<sup>3198</sup> Tugann Pádraig Ó Luain an ginealach seo in C Add. 4436 (19), Pádraig Ó Luain mac ‘Sheathain m[h]ic Airt Eoig mhic Phadruic Mhor mhic Airt Mhoir mhic Phadruic 7c’.<sup>3199</sup> Is é tomhas Uí Fhiaich (1972: 230; 1973: 13), Uí Fhiaich & Uí Chaithnia (1979: 99), agus Uí Mhuirí (1994: 22) gur tháinig Pádraig ar an saol timpeall na bliana 1790 i mBaile an Achaidh, nó ‘Mounthill’ an lae inniu, sa Chreagán, Co. Ard Mhacha; agus tá taispeánta ag Ó Muirí (1994: 22) go raibh craobhacha de chlann Mhic Cumhaigh agus de mhuintir Luain socraithe san áit sin le fada an lá.<sup>3200</sup> Tugann Art Mhac Bionaid, a cheap dánta molta ar Phádraig Ó Luain, Seán Ruadh ar a athair. Deir Ó Fhiaich (1972: 230; 1973: 13) fosta gur rugadh Pádraig Ó Luain roimh an mbliain 1796, agus is cosúil gur áitigh sé sin ar an tuiscint gur rugadh Pádraig Ó Luain i bparóiste an Chreagáin Uacht., áit a dtosaíonn an clár baistí is sine atá againn ar an 5 Lúnasa 1796.<sup>3201</sup> Níl an scéal chomh simplí sin, óir stadann an clár sin sa bhliain 1803. Tá an clár do na blianta 1803-1812 in easnamh, agus más rud é gur scríobh Pádraig an chéad

<sup>3197</sup> Tugtar cuid mhaith den seanchas seo in Morris (1931: 416).

<sup>3198</sup> Ba i litir a scríobh an tAth. Pádraig Ó Luain chuig Seán Ó Dálaigh, an 11 Aibreán 1856, a dúradh sin: ‘Art MacCooey ... I have often heard from [his] brother Terence MacCooey, who lived on the march with my father ...’ Tá an litir i gcló in Morris (1931). Tugtar sliocht eile aisti i nótaí 1599, 3231.

<sup>3199</sup> C Add. 4436 (19), f. 66. Tá sé i gcló in de Brún & Herbert (1986: 45 col. b).

<sup>3200</sup> Is iad na leabhair deachúnaithe agus taifid eile a bhaineann le riarachán ar chúrsaí tailte an fhaisnéis is mó a cheadaigh sé lena chruthú sin. Ba dhóigh le hÓ Tuathail (1936a: 51) gur rugadh Pádraig Ó Luain i bparóiste an Chreagáin Uacht.

<sup>3201</sup> Tugann Ó Muirí (1994: 503-11) liosta cuimsitheach de gach leanbh dar shloinne Lamb a baisteadh i bparóiste an Chreagáin Uacht. sna tréimhsí 1796-1803, 1812-1923, ag tosú leis an gcéad tagairt a dhéantar do mhuintir Luain sa chlár sa bhliain 1797. Ní thagraíonn sé don bhearna ocht mbliana go leith seo idir an 19 Eanáir 1803 agus an 23 Meán Fómhair 1812, ach féach nach bhfuil taifid aige do na blianta sin. Tá an chuid is mó de na cláir eile ar fáil ar mhionscannán sa Leabharlann Náisiúnta ach amháin clár na mblianta 1829-1845. Tugann Ó Muirí (1994) faisnéis an chláir seo, ar an dea-uair.

lámhscríbhinn atá againn uaidh sa bhliain 1823, is féidir gur rugadh é le linn na tréimhse sin fosta. B'fhéidir go léifí ar thagairt a dhéanann Art Mhac Bionaid d'aois Phádraig Uí Luain i ndán dá chuid gur shine Art beagán ná Pádraig é féin,

A Phádraig, tá mise aosta, is faraoir níl tusa óg, ...<sup>3202</sup>

Rugadh Art Mhac Bionaid sa bhliain 1793. Ar an taobh eile den scéal, níl na taifid atá againn saor ó dhearmadtaí móra, fiú. Tagraítear sna cláir baistí do thriúr páistí a rugadh d'fhir [? d'fhear] darbh ainm John Lamb sna blianta 1798, 1800, agus 1815: Mary Lamb, iníon le John Lamb agus *Eleoner Callaghan*, a baisteadh an 13 Eanáir 1798; ——— Lamb, mac nó iníon le John Lamb [? eile] agus *Mary Callaghan*, a baisteadh an 21 Feabhra 1800; agus John, mac le John Lamb agus *Else Callaghan*, a baisteadh an 7 Feabhra 1815.<sup>3203</sup> Ní thráchtar ar pháistí eile a rugadh do John Lamb agus bean dar shloinne Callaghan sna cláir. Níl aon eolas agam a ligfeadh dúinn tomhas a dhéanamh ar an bpáirt a bhí ag na daoine seo le Pádraig Ó Luain.

Chuir Hugh Kelly roinnt traidisiún faoi Phádraig ar phár, an crann a thit ar a chnuasach lámhscríbhinní ach go háirithe: scriosadh a bhformhór i siopa a dhearthár, [? Tom Lamb], a d'úsáid iad le scragall a chur ar na hearraí a dhíol sé (Kelly 1954: 115). Pléifear thíos scéalta eile a bhaineann leis an méid dá chnuasach atá againn.

Thiocfadh don traidisiún seo a bheith ceart, óir is beag dá shaothar nó dá chnuasach a tháinig slán ón lot a rinneadh ar lámhscríbhinní dheisceart Cho. Ard Mhacha, sa

---

<sup>3202</sup> An dán *A Phádraig, tá mise aosta, is faraoir níl tusa óg*. Tá sé in eagar ag Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 70).

<sup>3203</sup> Tugadh an t-eolas seo in Ó Muirí (1994: 503-4), ach is fiú na sleachta a thabhairt as cláir an pharóiste. Tá an chéad dá thagairt ar taifead i *gClár na mBaistí & Póstaí, An Creagán Uacht.*, 1796-1803,

‘13 [Eanáir 1798]. Mary of John Lamb and Eleoner Callaghan. G<sup>s</sup> Mich<sup>l</sup> Lamb and Marg<sup>t</sup> M<sup>c</sup>Daniel’.

‘21 [Feabhra 1800]. [ ] of John Lamb and Mary Callaghan. G<sup>s</sup> Jam<sup>s</sup> Harvassy and Rose Woods’.

Tugtar an taifead deiridh i *gClár na mBaistí & Póstaí, An Creagán Uacht.*, 1812-1822,

‘7 [Feabhra 1815]. John of John Lamb and Else Callaghan. G<sup>s</sup> Mich<sup>l</sup> Keiran and Bridget Lambe’.

dóigh gurb iad C Add. 4436 (19) agus COFLA D11 na foinsí is fearr air, agus ar an spéis a bhí aige i litríocht chomhaimseartha. Léiríonn na litreacha agus na téacsanna aonair a chuir sé chuig Seán Ó Dálaigh idir 1844 agus 1845 cuid mhaith dá phearsantacht fosta.

Bhí Pádraig tosaithe ar lámhscríbhinní Gaeilge a ghrafadh faoin 1 Márta 1823,<sup>3204</sup> an lá ar thionscain sé tráchtas gramadaí agus ábhar eile a scríobh isteach in ARÉ 24L40 (820) don Ath. Daniel O’Rafferty, S.P. Chill Shléibhe Uacht. Tugann Ó Tuathail (1936a: 51) le fios gur bunaíodh an graiméar a thugtar in ARÉ 24L40 (820) go mór ar shaothar an Oir. Uilliam Mac Néill, *An Introduction to the Irish Language* (1808). Faoi dheireadh na bliana 1825, an t-am ar thosaigh sé a ghabháil don chéad lámhscríbhinn eile dá chuid a tháinig slán a scríobh, C Add. 4436 (19), bhí sé ina bhall den *Irish Society*. Is soiléir ón lear mór dánta le hArt Mhac Bionaid a chuir Pádraig isteach in C Add. 4436 (19) ó autograif an údair féin go raibh aithne curtha aige ar an bhfile faoin am sin:<sup>3205</sup> léiríonn na píosaí eile sa lámhscríbhinn an ceangal a bhí ag Pádraig é féin leis an dúiche thart ar an gCreagán—dánta le hArt Mac Cumhaigh, marbhna ar Phádraig Dubhdall (*ob.*1823), dánta eile le Toirdhealbhach Mac Cumhaigh,<sup>3206</sup> file ó Bhaile an Achaidh, agus duine muinteartha le Art

---

<sup>3204</sup> ARÉ 24L40 (820), lch 136. Deirtear ar an leathanach céanna gur scoir Pádraig den ghraiméar sin a scríobh ar an 27 Márta 1823, agus leanann caoga leathanach d’fhillíocht an méid sin.

<sup>3205</sup> Féach go bhfuil dánta de chuid Airt Mhic Bhionaid in C Add. 4436 (19), ff. 1v, 9v, 12v, 25v, 30v, 44, 44v, 60v, 61, as ar baineadh an-earraíocht sa bhailiúchán dánta dá chuid a chuir Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979) le chéile; féach an liosta lámhscríbhinní a thugtar ann.

<sup>3206</sup> Tosaíonn marbhna Thoirdealbhach Mhic Cumhaigh ar Phádraig Dubhdall leis an líne, *Aréir in mo shuan le bruach a’ lae ghil*, C Add. 4436 (19), f. 3v. Tosaíonn aistriúchán le ‘Patrick Lambe’ ar f. 4, *Last night as I lay in my spacious slumber*, agus leagan eile ar f. 84, *Last night in my slumber by the dawn of day*. Chum an Dr Séamus Mhac Giolla Choille, duine de lucht aitheantais an Ath. Pádraig, ar a laghad, marbhna ar an duine aduain seo, *Tráth bhí mé aréir le Moirféas sínte*, ina dtugtar mí an Mháta nó mí Aibreáin 1823 mar dháta báis dó. Tá eagrán de dhán an Dra Mhic Giolla Choille i bprionta in Ó Duibhgin (1972: 38-44). Is fiú a lua go dtarraingíonn Ó Duibhgin (1972: 38 n.5) aird air go raibh leagan de chaoineadh Thoirdealbhach Mhic Cumhaigh i lámhscríbhinn a bhí ag an Ath. de Paor. Is í C Add. 4436 (19) an chóip a luann Ó Duibhgin, tharla go raibh sí i seilbh an Ath. Pádraig de Paor sa bhliain 1904 (Power 1904: 694 col. a – 695 col. a), mar a thaispeáin de Brún & Herbert (1986: 43 col. a).

[? deartháir leis].<sup>3207</sup> I measc an ábhair eile, tá cóip de ‘Comhrac an Chú Dhuibh’, scéal gairid próis a bhfuil fáil air i gcúpla lámhscríbhinn eile ó dheisceart Cho. Ard Mhacha agus ó thuaisceart Cho. Lú.<sup>3208</sup> Chum Pádraig aistriúchán ar mharbhna Thoirdealbhaigh Mhic Cumhaigh ar Phádraig Dubhdall, rud atá istigh leis an mbuntéacs in C Add. 4436 (19). De réir na rollaí pá, bhí sé i bhfostú an *Irish Society* ó mhí na Samhna 1825 suas go dtí mí na Bealtaine 1827 (de Brún 2009: 313). Ós rud é nár chuir sé a ainm leis na rúin a ritheadh i nDún an Rí ar an 5 Meán Fómhair 1827, is dócha go raibh Pádraig tar éis éirí as an gcumann faoin am sin (Ó Muirí 1994: 31). Chuaigh sé le sagartacht go gairid ina dhiaidh sin; agus thug sé aghaidh ar Pháras i Samhradh na bliana 1828, de réir litreach a scríobh an tAth. Michael Lennan, S.P. an Chreagáin Uacht., chuig an Ard-Easpag Patrick Curtis, Droichead Átha, i mí na Bealtaine 1829(?),

Creggan May 29 (?)

My Lord,

I have known Patrick Lamb now student in Picpus previous to his going to that Seminary. I very distinctly recollect that in the summer of 28 he applied to Mr Murphy for a letter of recommendation to your grace, in consequence of which he told me he was kindly received by and obtained a letter from your grace the exterior of which he showed me; it was addressed to Mr Cummins then superior of Picpus and bore the impression of your lordship's seal; to this fact I feel no hesitation in bearing my humble attestation. May I add on behalf of the above named Mr Lamb that whilst in this country he was highly esteemed by every person acquainted with him and considered, in the event of his promotion to the priesthood, likely to become a worthy and useful minister of religion. The report of his present superior shews that he is already realizing the hopes that were entertained of him. With many wishes

<sup>3207</sup> Tá dán eile le ‘Terence McCooey, Mounthill, Creggan, Co. Armagh’ in ARÉ 24L40 (820), *I ndún a chois trágha a chomhnaigheas a’ sármhac*.

Bhí deartháir ag Art Mac Cumhaigh darbh ainm Toirdhealbhach Mac Cumhaigh (Terence McCooey), agus bhí aithne ag an Ath. Pádraig air, mar a chonaic muid thuas. Féach Morris (1931) agus an ginealach in Ó Fiaich (1973: 74).

<sup>3208</sup> Chomh fada agus is eol dom, níl ach dhá chóip eile den scéal seo ar fáil, ceann acu in COFLA D6, a scríobh Art Mhac Bionaid idir 1856 agus 1857; agus ceann eile in ARÉ 24L34 (815), a scríobh Pádraig Mhac Gatháin idir na blianta 1820 agus 1824. Tá cuid mhaith téacsanna i lámhscríbhinní Airt Mhic Bhionaid agus Phádraig Mhic Gatháin araon, nach bhfaightear i lámhscríbhinní eile ach go hannamh.

for your grace's health and long life, I have the honour to be, My Lord, your grace's most humble and obt servant.

Michl Lennan.<sup>3209</sup>

De réir an tseanchais áitiúil, bhí Pádraig geallta le pósadh nuair a bhain timpiste dó a scrios a chulaith phósta agus a chuir an bhainis ar ceal—faoi dhó, i leaganacha áirithe den scéal. Tá na scéalta uilig ar aon tuairim gur chuir sin ar mhalairt intinne é, agus go ndeachaigh sé le sagartacht ar an ábhar sin, ach is féidir gur chúinse eile ar fad an bhaint a bhí aige faoin am sin leis an *Irish Society*. Ní gá brath ar dhánta molta Airt Mhic Bhionaid faoina léannta is a bhí an tAth. Pádraig Ó Luain<sup>3210</sup> le bheith suite de gur éirigh go maith leis ina chúrsa staidéir i bPáras, óir tá léiriú praiticiúil againn air sin: bhí sé tar éis a chúrsa a chur i gcrích, filleadh ar a Dheoise agus a bheith ceaptha ina shagart cúnta i bparóiste Chill Shléibhe Íocht. roimh dheireadh na bliana 1831 (Ó Muirí 1994: 25). Is beag eolas atá ar fáil faoin gcéad ocht mbliana eile dá shaol. Chuir sé an sméar mhullaigh ar leagan athleasaithe den ‘Scáthán Spioradálta’ sa bhliain 1839, agus tá cuid d’autograif an tsaothair againn go fóill.<sup>3211</sup> Tá, ar ámharaí an tsaoil, cóip iomlán de lámhscríbhinn an Ath. Pádraig againn i láimh Airt Mhic Bhionaid. Tugtar sa chóip seo an brollach a chuir an tAth. Pádraig lena leagan féin den saothar ar an 14 Lúnasa 1839, réamhrá a léiríonn go maith na deacrachtaí a bhí aige leis an téacs, agus an tuiscint a bhí aige ar chúrsaí lámhscríbhinní,

---

<sup>3209</sup> Litir a bhí ar caomhnú ‘i gCartlann Ardhairche Ard Mhacha’ nuair a chuir Ó Muirí (1994: 24-5) i gcló í; glacaim leis go bhfuil sí in COFLA anois. Thug mé cóip de leagan Uí Mhuirí anseo.

<sup>3210</sup> Deir Ó Muirí (1994: 25), ar údarás Uí Fhiaich & Uí Chaithnia (1979: 84), go luaitear an tAth. Pádraig Ó Luain i ndán de chuid Airt mar ‘Ó Luain a bhí ar fuaimniú tríd chuantaí na hEorpa’, agus go dtugann sé seo le fios dúinn a fheabhas is a d’éirigh leis agus é i mbun foghlama thar sáile i bPáras. Is é rud atá ann, dáiríre, tagairt do mhac-chléireach éigin i l. 12 den dán *Thug mé ruaig fá bhruach na tíre*, dán de chuid Airt, ach ní féidir gur ag tagairt do na trí bliana a chaith an tAth. Ó Luain thar sáile a bhí sé; ghráf Pádraig Ó Luain—sularbh é an tAth. Ó Luain é—an chóip is sine atá againn den dán úd in C Add. 4436 (19) sa bhliain 1825.

<sup>3211</sup> COFLA D11. Ní bheidh sé soiléir cá mhéad athrú a rinne an tAth. Pádraig Ó Luain nó go ndéanfar staidéar ar an téacs, ach ba dhóigh leis an té a léifeadh an réamhrá a thugtar thuas nach bhfuil i gceist ann ach ceartúcháin agus mionleasuithe ar thagairtí Laidine agus eile. Theip orm an chóip a d’úsáid sé a aimsiú nó a aithint.

Having met with an Irish manuscript copy of a book entitled Sgathan Spioradalta an Anama, i.e. the Spiritual Mirror of the Soul, ... I commenced to transcribe it ... with a view to translate it into English for the use of those who cannot read Irish, but ... I found myself entangled in many perplexing difficulties, for I discovered that the copy which lay before me was one continued story without stop or pause, or any distinction between question and answer; that all the sentences quoted as the words or sayings of any of the Saints or Holy Fathers &c were either only partly given, or incorrectly written thro' the transcriber's ignorance of the Latin language ... I trust I have in a great measure succeeded in surmounting these difficulties, by distinguishing the queries from the responses, by dividing the sentences from one another with periods, and by correctly writing, and fairly quoting the texts of Scripture. In many instances I have also added other texts of Scripture to elucidate the Master's responses to his Disciple.

... I have only to say that I think the work contains a great deal of sound and substantial knowledge. 'Tis true indeed that the Author makes thousands of assertions of which he gives no proof. ... If however the copy that I met with be the same as the author's Autograph, which I think hardly probable, after being so repeatedly transcribed, and that often by writers of very little information ... [I]ndeed if any person would take the trouble of writing out this work in one Language only, and of lopping off all that might appear superfluous or fabulous, ... he would be doing a meritorious work ... But for my part, I do not consider myself adequate to such a task, for I think that some person more learned and intelligent than I would be required to separate the useless and superfluous parts of it from that which is useful, sound and substantial, ... I will content myself with giving the copy I met with, with such alterations only as to me appeared more elucidative of the matter treated of. ... [I]f any reader should hereafter discover anything in it contrary to faith or morals, I confidently hope, and most earnestly request that he will erase and expunge it, for the sake of one who begs to be his very humble and obedient servant.

August 14<sup>th</sup>, 1839.

PATRICK LAMB, P. P.  
Lower Creggan.<sup>3212</sup>

Is beag eile atá ar fáil óna lámh i ndiaidh na bliana seo, áfach, ach téacsanna Gaeilge fáin atá istigh le litreacha a scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh, agus lámhscríbhinn mhór amháin a ghráf siad i bpáirt lena chéile. Léiríonn na litreacha seo go maith,

---

<sup>3212</sup> COFLA D10, lgh [i]-[ii], lámhscríbhinn a chóipeáil Art Mhac Bionaid ó autograf an Ath. Pádraig Ó Luain, COFLA D11, is cosúil. Níl an réamhrá thuas in COFLA D11, atá easnamhach faoi láthair, ach in COFLA D10 amháin. Cuireadh an réamhrá i gcló in Ó Tuathail (1936a: 52-3), áit a dtugann sé le fios go gcaithfidh sé gurbh é Art Mhac Bionaid a chuir isteach an teideal 'P.P. Lower Creggan', óir bhí an tAth. Pádraig Ó Luain fós ina shagart cúnta i gCill Shléibhe Íocht. sa bhliain 1839.

áfach, go raibh an tAth. Pádraig bisiúil go fóill. An chéad litir a tháinig slán, scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh í ar an 29 Deireadh Fómhair 1844, nuair a bhí cónaí air ar an gCamloch,

Camlough near Newry,  
Oct. 29<sup>th</sup>, 1844.

Sir,

As my knowledge of Irish is but little, and as my knowledge of poetry of any description is far less, I submit to you the following, to be dealt with as you and your colleagues think fit ...<sup>3213</sup>

As the above, and the enclosed, only came accidentally into my hands, I do not know who James Tevlin is, or who the author of either piece is ... Should you think proper to publish them, I will be able to supply you occasionally with a variety of other metrical compositions.

Meanwhile, I remain yours &c.,

PATRICK LAMB C.C.<sup>3214</sup>

Is cosúil gurbh in an dóigh ar chuir an tAth. Pádraig aithne ar Sheán Ó Dálaigh den chéad uair. Leanann sraith litreacha béasacha cabhracha an méid sin,<sup>3215</sup> a bhfuil a bhformhór i gcló cheana ag Ó Buachalla (1965).<sup>3216</sup> Beathaisnéis Pheadair Uí Dhoirín is príomhábhar dóibh, ach tá cúpla tagairt do chúrsaí pearsanta an Ath. Pádraig le tacar astu. Ar an gcéad dul síos, ba é an tAth. Pádraig é féin, mar a chonaic muid sa chuntas ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40, a rinne an dolaidh—in ainneoin go raibh dea-rúin á spreagadh—nuair a chuir sé Art in aithne do Sheán Ó Dálaigh. An dán a chuir an tAth. Pádraig chuige an 29 Deireadh Fómhair 1844, is dóigh gur chuir Seán Ó Dálaigh spéis éigin ann, nó scríobh sé chuig an Ath. Pádraig

---

<sup>3213</sup> Is é an teideal a thugann an tAth. Pádraig Ó Luain ar an dán: ‘Comhradh idir Seamas a Taibhlin 7 an Bás. A Dialogue between James Tevlin & Death’, *Trathnóna liom féin*, ‘se thainic a’ bás fa ma dhéin. Maidir leis an bpíosa eile a luann an tAth. Pádraig a bheith istigh leis an litir, ní dócha gur ann dó anois.

<sup>3214</sup> ARÉ 23077 (1386), ff. 215-6.

<sup>3215</sup> Tá siad, lasmuigh den litir dar dáta an 29 Deireadh Fómhair 1844 a cuireadh i bprionta thuas, ar coimeád in LN G389(9-14).

<sup>3216</sup> Ós é is príomhábhar do na litreacha seo beathaisnéis Pheadair Uí Dhoirín, ní fiú iad a phlé go mion anseo. Baineadh úsáid as giotaí astu sna cuntais a scríobhadh ar Pheadar Ó Doirín agus, go mórmhór, ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40, 2.149 thuas. Tá cóipeanna glana de na litreacha i gcló in Ó Buachalla (1965).

Ó Luain, ag lorg dánta eile, ar an 1 Samhain 1844. D'fhreagair an tAth. Pádraig é an 15 Samhain 1844,

Altho' I received your letter of the 1st inst. in due time, yet I could not write to you sooner. I had seven quires of letter paper closely written with such poetry as you require and I happened to have lent it to another, who, it seems, has learned the Art of *Book-keeping* for he now says my book is lost. I thought I had another resource for Arthur Bennett, Ballykeel, Forkhill has a great many Irish songs but I find he is very unwilling to give them to be transcribed and hence the delay of my answer. As I cannot get Bennett's or my own, I can only send you from time to time whatever I can glean from others and when you are publishing a volume of religious poetry I will send you 90 verses in Irish and English of a dialogue between a Catholic and a Protestant which I consider pretty clever but you need not at any time send me any of your work as I have already bought the two parts you published and will, God willing, purchase as many parts as will appear during my lifetime. ...<sup>3217</sup>

Ar an 5 Nollaig 1844, scríobh an tAth. Pádraig arís chuig Seán Ó Dálaigh. Tar éis dó cúrsaí Gaeilge a phlé beagán, luann sé go raibh an tArd-Easpag tar éis é a aistriú go paróiste an Chreagáin Íocht., áit ar chaith sé an chuid eile dá shaol,

Herewith I send you the *Gearrān Bān* and the remaining six verses of *Malaidh Dhruim Chrīch* and I would also have sent you now Marbhchaoine Shomhairle Mic Domhnaill only that I find by yours of the 4th inst., which I received this evening, that you'd wish to know the number of The Nation that refers to Peter O'Durnin, author of these two songs. As I have all the Nos. of The Nation hitherto published I will toss over the pages till I come to my desired object and then I will inform you what number speaks of *Ó Duirnīn na Sēud*. I will send you more songs again.

You should long since have the above only that I was so much tossed about since I wrote to you before I was changed by his Grace from Lower Killeavy to Lower Creggan, Newtownhamilton, a change indeed that I did not relish much but obey I necessarily must. I regret the distracted state of this parish of Lower Creggan will put it out of my power at least for some time to contribute to your invaluable work. I will however, be glad to purchase myself any nos. of the 'Jacobite Poetry' that will appear and to give the work as much public circulation in the parish as I can. I will endeavour to make all

---

<sup>3217</sup> LN G389(9), an 15 Samhain 1844; Ó Buachalla (1965: 126-7).



the Irish scholars of this parish become subscribers to it and if you succeed in getting your Irish-English and your English-Irish printed I will give them all the encouragement I can. ...<sup>3218</sup>

Cheap Art Mhac Bionaid dán ar an aistriú seo,<sup>3219</sup> nuair a bhí an tAth. Pádraig socraithe sa pharóiste sin ‘le corradh agus bliain’, á chur in iúl don sagart gurbh fhéarr dó a bheith ar a aire le muintir an pharóiste sin. Áitíonn an tAth. Pádraig, mar a luadh i gceann de na sleachta thuas, go bhfuair sé cuid de na dánta a sheol sé chuig Seán Ó Dálaigh ó dhaoine eile. Cé nach dtugann sé a n-ainmneacha dúinn, is féidir go bhfuil Pádraig Mhac Gatháin ó Dhún gCuaile le háireamh leo, óir bhí lámhscríbhinn de chuid a chnuasaigh, COFLA D1 (a), á léamh ag an sagart am éigin i rith na bliana sin.<sup>3220</sup> Chaith an tAth. Pádraig cuid mhaith den chéad chúpla seachtain eile ag iarraidh ábhar a mhealladh ó Art Mhac Bionaid. Faoin am ar scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh an 18 Nollaig 1844, cheap sé go raibh sé tar éis socrú a dhéanamh le hArt,

I hasten to inform you that A. Bennett has *tandam aliquando* promised me on one of these days Peter O’Dornin’s own manuscript of the *Gearrán Bán* and *Malaidh Dhruim Chrīch* and as he says that O’Dornin’s copy of the *Gearrán Bán* which he possesses has two more verses than the copy I got from another I wish you to defer preparing it for the press for a few days until I be able to send you a true account of the matter which I hope will be before you before you dine on Christmas day.<sup>3221</sup>

Ba é Art an té ba mhó a ghoill ar an Ath. Pádraig thart faoin am seo, nuair a chuaigh sé le craobhacha ar fad toisc gur thug Seán Ó Dálaigh tosaíocht d’fhillí na Mumhan.

<sup>3218</sup> LN G389(10-11); Ó Buachalla (1965: 128-30).

<sup>3219</sup> An dán, *A Phádraig chaoimh, a mhic Sheáin Rua*, a cuireadh i gcló in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 53). Ó d’aistriú an tAth. Pádraig ann i mí na Nollag 1844, le cuidiú a thabhairt don Ath. Carragher (*ob.*1846), agus ós rud é gur chuir Art Mhac Bionaid an dán sin chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 7 Eanáir 1846, LN G702(15), mír 1, is dóigh gur ceapadh é go gairid roimhe sin, óir luann Art i *ll.* 13, 16, go raibh an tAth. Pádraig i bparóiste an Chreagáin Íocht. ‘le corradh is bliain’, agus go raibh sé ag tabhairt aire do ‘f[h]ear mire gan díol’.

<sup>3220</sup> Féach an nóta i bpeannaireacht an Ath. Pádraig Ó Luain in COFLA D1 (a), lch [i].

<sup>3221</sup> LN G389(13), an 18 Nollaig 1844; Ó Buachalla (1965: 133-4). Is dearmad cló an dáta ‘8th December 1844’ a thugtar in Ó Buachalla (1965: 133).

Níorbh é amháin gur easaontaigh an tAth. Pádraig go mór le ‘ignorant restrictions’ Airt, mar a thug sé orthu i litir chomhbhróin a scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh an 13 Eanáir 1845, ach mhothaigh an sagart náire mhór toisc gurbh eisean an té a chuir Seán Ó Dálaigh i dteagmháil le hArt sa chéad áit. B’fhéidir nach ábhar iontais dúinn, mar sin, an feannadh a thug an tAth. Pádraig d’Art sa litir sin, má chuaigh sé thar fóir beagán leis an scéal. Cibé rud ar domhan a lean an litir sin, is eol dúinn nár thug an tAth. Pádraig a chúl le hArt Mhac Bionaid ach oiread,<sup>3222</sup> agus bhí sé agus Seán Ó Dálaigh fós i dteagmháil lena chéile le fada an lá ina dhiaidh sin fosta.

Osclaíodh an clár baistí agus póstaí is sine i bparóiste an Chreagáin Uacht. ar an 12 Feabhra 1845, agus tá a shliocht air gur scríobh an tAth. Pádraig é go deimhin. Clárleabhar néata atá ann, a leagadh amach go cruinn—duine cúramach a bhí an-phointeáilte faoi choinneáil taifead a scríobh, murab ionann agus na sagairt a tháinig ina dhiaidh a loit í le marcanna. B’fhéidir go raibh ag éirí leis cúrsaí an pharóiste a chur ina gceart faoi dheoidh. Chuidigh an tAth. Pádraig agus Seán Ó Dálaigh lena chéile cóip lámhscríofa de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ a dhéanamh idir 1846 agus 1849; dar le scoláire Gaeilge eile a tháinig ina ndiaidh beirt, P. Ó B.,<sup>3223</sup> tá sí geall le bheith ‘worthless’, ach ní féidir a bheith taobh leis an tuairim sin. Dhealródh sé go raibh Art fós ag plé cúrsaí Gaeilge leis an Ath. Pádraig isteach sna blianta deiridh dá shaol, nó cheap Art dán gearr air am éigin roimh an mbliain 1850 inar gheall sé dó go bhfágfadh sé a chuid leabhar le huacht aige mar chomhartha ómóis,

---

<sup>3222</sup> Tugann Art Mhac Bionaid le fios i gcuid de na litreacha a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh go raibh sé i dteagmháil leis an Ath. Pádraig Ó Luain le linn na bliana 1846. Féach na sleachta as na litreacha a thugtar sa chuntas ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40 thuas: LN G702(15), mír 6, a scríobhadh an 24 Feabhra 1846, nuair a bhí Art ag fanacht ar chuntas ar Art Mac Cumhaigh ón Ath. Pádraig Ó Luain; agus LN G702(15), mír 7, a scríobhadh an 6 Lúnasa 1846.

<sup>3223</sup> B’fhéidir gurb é Pádraig Ó Briain, a chuir ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ in eagar in 1898, atá freagrach as an gcnáimhseáil seo.

Más beo bhéas tú i mo dhéidh-sa, a chléirigh na salm sámh,  
Cuir coisne ar mo chéile is gheobhair féirín gan mórán spáis—  
Mo scríbhinn uile Gaeilge, is tú an t-oidhre os cionn feara Fáil,  
Is tuilleadh eile dár bh fhéidir, is mo chéad beannacht leo i do dháil.<sup>3224</sup>

Thuairimigh Ó Muirgheasa (1936: 361) gur ghráf Art Mhac Bionaid COBÁC M20 don Ath. Pádraig Ó Luain sa bhliain 1852. Dúradh sa chuntas ar Art Mhac Bionaid i gCaib. 2.40 thuas nach féidir an pátrún dár scríobh sé COBÁC M20 a aithint go fóill, ach amháin gur shagart é.<sup>3225</sup> Tá giotáí Gaeilge sa litir sin a scríobh an tAth. Pádraig chuig Seán Ó Dálaigh i dtaobh Airt Mhic Cumhaigh ar an 11 Aibreán 1856, áit a dtugann sé ceann de na cuntais bhéaloidis is sine atá againn ar bheatha Airt Mhic Cumhaigh, mar aon le sleachta as dánta dá chuid. Is ábhar spéise go leagann sé ‘Eachtra Bhoc Bhaile Bionabaidhe’ ar Art Mac Cumhaigh sa litir seo, mar a rinne Art Mhac Bionaid fosta,<sup>3226</sup> agus diomaite de nach féidir dáta a leagan air, tá dán a scríobh Art Mhac Bionaid chuig an Ath. Pádraig, *A chléirigh cheansa is fearr tuigse is méin*, ar coimeád i lámhscríbhinn amháin dá chuid, COFLA D8, a grafadh d’Éamonn Augustus Mag Aonghusa sa bhliain 1856.<sup>3227</sup>

Faoin am seo, bhí an tAth. Pádraig ina bhall den *Ossianic Society* i mBaile Átha Cliath, agus de chúpla cumann eile; tá a ainm thíos ar fhoilseacháin an chumainn go lá a bháis. D’fhág sé lorg a láimhe ar chlár póstaí an pharóiste den uair dheireanach

---

<sup>3224</sup> Sin ll. 9-12 as an dán *A Phádraig, tá mise aosta, is faraoir níl tusa óg*. Tá an dán seo in LN G802, agus más fíor gur scríobhadh LN G802 do Roibeard Mac Ádhaimh, mar a tuairimíodh i gCaib. 2.40, scríobhadh an chóip áirithe sin roimh an mbliain 1850, nuair a d’éirigh idir Art agus Roibeard Mac Ádhaimh. Chuir Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 70) i gcló é.

<sup>3225</sup> Tá litir ó Art Mhac Bionaid chuig sagart éigin, a scríobhadh an 27 Aibreán 1852, istigh agus ceangailte le COBÁC M20 anois. Tá an litir i gcló in Ó Muirí (1994: 35), agus is spéisiúil an cháipéis í mar gheall ar an léargas a thugann sí ar an athrú meoin nár bheag a tháinig ar Art Mhac Bionaid i dtaobh na gcumann bíoblóireachta in earr a aoise.

<sup>3226</sup> Féach, i dtaobh lámhscríbhinní Airt Mhic Bhionaid: LSAA, a scríobhadh sa bhliain 1817; LN G802, gan dáta; agus COBÁC A49, 1857. Leagtar an saothar ar Art Mac Cumhaigh in COBÁC A49, ach ní thugtar údar in LN G802, ná níl sé soiléir ó chuntas Uí Mhuirí (1994: 76-7) gur thug Art Mhac Bionaid ainm an údair in LSAA. Tá ‘Eachtra Bhoc Bhaile Bionabaidhe’ in eagar in Ó Muirgheasa (1916: 182-7), agus in Ó Doibhlin (2006).

<sup>3227</sup> COFLA D8, lgh 25-34. Cuireadh an dán in eagar in Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 71-5). Léirigh Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 116) gur baineadh cuid den ábhar stairiúil a luaitear sa dán as leabhair staire ar nós na gceann a úsáideadh le ‘Comhrac na nGaedheal agus na nGall’ a scríobh.

ar an 17 Aibreán 1860, an lá ar pósadh Michael Hearty agus Mary Dullaghan, agus fuair an tAth. Pádraig bás cúig lá ina dhiaidh sin, ar an 22 Aibreán 1860.<sup>3228</sup> Is maith an teist a thugann fógra a bháis, a cuireadh i gcló ar an *Dundalk Democrat*, ar an spéis a bhí aige i gcúrsaí Gaeilge:

Died on the 22nd inst. at his residence in Cullihanna the Rev. Patrick Lamb PP, Lower Creggan, after a long and painful illness ... His humble unobtrusive manner, ... endeared him to everyone and earned for him the appellation “Honest Father Lamb” ... Father Lamb was a great lover of his native country and particularly of its beautiful and expressive language, in the study of which ... he spent all the time he could spare from the duties of his ministry. He succeeded in procuring a large, varied and valuable collection of Irish manuscripts, wrote, and translated several Irish works and at the time he was seized by his last illness was engaged in compiling an Irish Dictionary, in which was inserted several thousand words not to be found in any dictionary now extant. He was admitted to be one of the most profound scholars of modern times.<sup>3229</sup>

Bheadh sé geall le bheith dodhéanta anois teacht ar thuairim chruinn faoi mhéid ná faoi réimse ábhar na leabharlainne Gaeilge a bhí ag an Ath. Pádraig—gan trácht ar a hathchruthú, mar gheall ar an díobháil a rinneadh uirthi i ndiaidh a bháis. Bhailigh Ó Muirí (1994: 26-8) roinnt sonraí faoin gcrann a thit ar a chnuasach leabhar, ach is fiú plé éigin a dhéanamh ar an méid den chnuasach atá againn ar dtús, taobh amuigh dár ghraf sé féin. D’fhéadfadh sé gur leis COBÁC M20, lámhscríbhinn de chuid Airt Mhic Bhionaid, ach chonaic muid cheana nach éasca a bheith siúrálte faoi sin.<sup>3230</sup>

Rinneadh tagairt cheana don lámhscríbhinn a thug an tAth. Pádraig ar iasacht don Dr Séamus Mhac Giolla Choille sula ndeachaigh sé go Páras sa bhliain 1828, rud nach

---

<sup>3228</sup> Féach *Clár na bPóstaí, An Creagán Íocht.*, 1845-1881, faoin 17 Aibreán 1860. Tugtar nóta i láimh eile faoin taifead deiridh sin,

The Rev. James M<sup>c</sup>Parlan was collated to the parish of Lower Creggan by the Most Rev. Joseph Dixon aon(?) the 28<sup>th</sup> of May 1860. JM<sup>c</sup>P (?) 1860.

Níor coinníodh clár básanna nó adhlacthaí sa pharóiste seo, nó má coinníodh níl sé ar fáil anois. Theip orm teacht ar chuntas ar an Ath. Pádraig Ó Luain a luann a aois.

<sup>3229</sup> *Dundalk Democrat*, an 28 Aibreán 1860. Gheofar cóip iomlán den tuairisc in Ó Muirí (1994: 39-40).

<sup>3230</sup> Féach nóta 1119.

bhfaca sé arís toisc go raibh an Dr Mac Giolla Choille marbh nuair a d'fhill an tAth. Pádraig ar Éirinn;<sup>3231</sup> ba dhóigh leis in 1856 gur féidir go bhfuair Nioclás Ó Cearnaigh í leis an gcuid eile de scríbhinní an Dochtúra. Ná ní dóigh gurbh í C Add. 4436 (19)—cnuasach luachmhar de dhánta Airt Mhic Cumhaigh agus Thoirdealbhaigh Mhic Cumhaigh—an leabhar a bhí i dtrácht ag an Ath. Pádraig an uair a ghearáin sé do Sheán Ó Dálaigh an 15 Samhain 1844 go raibh scoláire Gaeilge dár thug sé tamall de chnuasach filíochta éigin tar éis é a ghoideadh.<sup>3232</sup> B'fhéidir nach ábhar iontais é gur thosaigh an tAth. Pádraig a chur nótaí sealbhóra lena chuid leabhar ina dhiaidh sin, agus tá an dáta 1847 le cuid acu. Iarsma amháin de chuid na leabharlainne seo is ea í COFLA L15, ar lámhscríbhinn ó Cho. Phort Láirge í. Is beag lámhscríbhinn ón gceantar sin a shroich Oiriaila, agus thiocthadh dó go bhfuair an tAth. Pádraig í ó Sheán Ó Dálaigh, nó ball eile den *Ossianic Society* lena raibh sé nasctha ag deireadh a shaoil. Tá nóta sealbhóra faoin dáta 1847 curtha aige leis; bhí ARÉ 24L28 (814) ina sheilbh an bhliain chéanna. Shínigh sé ARÉ 24L31 (817) in áit amháin am éigin tar éis a cheaptha mar shagart paróiste sa bhliain 1846, leabhar a ghráf Pádraig Mhac Gatháin (*q.v.*) idir na blianta 1820 agus 1823. Ó tharla go raibh ARÉ 24L31 (817) idir lámha ag John Clarke in 1852,<sup>3233</sup> is cosúil go bhfuair an tAth.

<sup>3231</sup> Luann an tAth. Pádraig an lámhscríbhinn seo, ina raibh dánta le hArt Mac Cumhaigh, i litir a scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh ar an 11 Aibreán 1856; féach an sliocht seo as an gcóip de atá i gcló in Morris (1931: 415),

Before I went to college to France I had the most of Art McCooey's songs in manuscript. I gave the manuscript to a Dr. Jas. Woods of Dundalk. [The] manuscript was covered with a part of a smith's apron, and I often heard [that] Nicholas O Kearney, Esqr., got it after the death of Dr. James Woods while I was in France.

Tugadh an tagairt seo cheana i nóta 1599. D'fhéadfadh sé go bhfuair, ach tharla cuid mhór de lámhscríbhinní an Dra Séamus Mhac Giolla Choille i gcnuasach Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, cnuasach ar dódh a fhorhmór *c.*1900. Féach Caib. 1.1.3.

<sup>3232</sup> Scríobh an tAth. Pádraig chuig Seán Ó Dálaigh an 15 Samhain 1844, an uair a bhí dánta le Peadar Ó Doirín uaidh: 'I had seven quires of letter paper closely written with such poetry as you require and I happened to have lent it to another, who, it seems, has learned the Art of *Book-keeping* for he now says my book is lost', LN G389(9); Ó Buachalla (1965: 126-7). Tugadh sliocht níos iomláine as an litir sin cheana i gcorp an chuntais seo. Níl ach 92 leathanach in C Add. 4436 (19).

<sup>3233</sup> *R.I.A. Cat.*, 2542. Is ionann an John Clarke seo agus an tAth. John Clarke ó pharóiste Lú, Co. Lú; féach nóta 1534 thuas.

Pádraig seilbh uirthi i dtreo dheireadh a shaoil.<sup>3234</sup> Tá a fhios againn go raibh aige cóip mhaith de ‘Táin Bó Cuailnge’, ar shíl sé gur scríobhadh í c.1660: ní dóigh, áfach, gur grafadh roimh an 18ú hAois í.<sup>3235</sup> Tá cóip den lámhscríbhinn seo, a rinne Eoghan Ó Coinníolláin sa bhliain 1858, ar coimeád san Acadamh Ríoga anois, áit ar baisteadh an uimhir ARÉ 23G28 (1004) uirthi.<sup>3236</sup>

Maidir leis an méid de leabharlann an Ath. Pádraig a scriosadh, tá sé d’ádh orainn gur chuir staraithe áitiúla roinnt cuntais ghinearálta ar phár faoina chnuasach. ‘[W]e

---

<sup>3234</sup> Ba dhóigh le duine go mbeadh nóta dar dáta 1847 in ARÉ 24L31 (817), má bhí sí ina chnuasach an uair sin; luadh gur chuir an tAth. Pádraig nótaí sealbhóra i gcúpla leabhar dá chuid sa bhliain sin.

<sup>3235</sup> Deir O’Rahilly (1961: lvi) an méid seo faoin gcóip de lámhscríbhinn (chailte) an Ath. Pádraig Ó Luain, cóip a réitigh Eoghan Ó Coinníolláin sa bhliain 1858,

According to a scribal note, dated 1866, ‘this volume was transcribed in the year 1858 from a paper manuscript written about A.D. 1660, the property of the late Rev. Patrick Lamb P.P. Newtownhamilton, in the County of Armagh’ (f.[b]). This Father Lamb, himself a scribe, was a friend of Art Bennett who at one time owned the manuscript [ARÉ 24]P4 [(92)] ... But the manuscript referred to cannot have been [ARÉ 24]P[4 (92)] which is dated 1687 and has a lacuna ... It seems doubtful whether Connellan is right in dating the original of his transcription so early as 1660.

Ó tharla nach raibh tuairisc ná catalóg i gcló uirthi an uair sin, níorbh fhios do Cecile O’Rahilly go bhfuil cóip de ‘Táin Bó Cuailnge’ i bpeannaireacht Airt Mhic Bhionaid in LN G636. Níl a fhios agam cé uaidh a bhfuair Art Mhac Bionaid eiseamláir LN G636. Tugtar nótaí gearide ar chóipeanna eile de Leagan IIb (Stowe) i nóta 2484 thuas.

Mar gheall ar na liostaí de ‘Books in preparation’ a chuir le *Transactions* an Ossianic Society, tá beagán eolais eile ar fáil faoin lámhscríbhinn seo a bhí ag an Ath. Ó Luain. Bréagnaíonn Seán Ó Dálaigh, in alt a scríobh sé san *Ulster Journal of Archaeology*, an tuairim gur lámhscríbhinn de chuid na 17ú hAoise a bhí i leabhar an Ath. Pádraig: ‘[a]nother copy of this rare tract, but written on paper, and apparently about the middle of the last century, which is believed to be more copious in its details than that in the [Trinity] College Library, belongs to the Rev. Patrick Lamb, P.P., Newtownhamilton, who, with the urbanity which characterizes the gentleman and the scholar, placed it in our hands...’ (O’Daly 1855: 10). Ba mhaith an cur amach a bhí ag Seán Ó Dálaigh ar chúrsaí lámhscríbhinní, agus caithfidh sé go raibh an ceart aige. Ba dhóigh le O’Rahilly (1961: lvi), a scrúdaigh cóip Eoghain Uí Choinníolláin den lámhscríbhinn, ARÉ 23G28 (1004), a scríobhadh go cúramach sa bhliain 1858, go raibh na hearráidí téacsúla ar chóip Uí Choinníolláin agus a bhí ar na cóipeanna déanacha eile, m.sh. LN G457; agus d’áitigh sí fosta gur dóigh gur shíolraigh na cóipeanna déanacha seo uilig ó lámhscríbhinn chailte na bliana 1730. Féach nóta 2484. Luaitear leabhar an Ath. Pádraig arís in *Transactions* na bliana 1854: ‘Táin Bo Chuailgne ... The copy at the disposal of the Society is acknowledged by competent judges to be the most accurate paper copy extant; and belongs to the Rev. Patrick Lamb, P.P., Newtownhamilton, who has very kindly made it available to the Society; and it is now far advanced in preparation’ (O’Kearney 1855: 12). Tugann nóta eile sna *Transactions* sin le fios go bhféadfadh sé gur bhronn an tAth. Pádraig Ó Luain an lámhscríbhinn ar an gcumann: ‘the MS. Táin Bo Cuailgne ... which is now being prepared for publication, having been presented to the Society by the Rev. Patrick Lamb ...’ (O’Kearney 1855: 110), ach bhí an seanscéal acu cúpla bliain ina dhiaidh sin: ‘The manuscript, from which this volume will be printed, belongs to the Rev. Patrick Lamb, P.P., Newtownhamilton, County of Armagh, a member of the Council, who has very kindly lent it to the Society. It comprises 200 folio pages of closely-written matter, and will form a very large book if it can be brought out in a single volume’ (O’Grady 1857: 9). Féach an *Treoir.*, 79 §352.

<sup>3236</sup> Féach an *R.I.A. Cat.*, 2863, áit a meabhraítear dúinn nóta Eoghain Uí Choinníolláin, an nóta ina n-áitíonn sé gur tharraing sé léamha breise as lámhscríbhinn eile, ‘Mr. O’Neill’s’. An é Seán Ó Néill (*fl.*1827-44) é?

are told’, a scríobh Ó Muirgheasa (1915: 320), ar údarás Hugh Kelly, ‘that he accumulated a pile of MSS. that was astonishing to see. There are old people yet living who heard him boast that he had never met the man who had as much Irish as himself, save only “John of Tuam.”’ Tugadh an cuntas seo cheana i gCaib. 1.1.3, ach is fiú na codanna de a bhaineann go sonrach le cnuasach an Ath. Uí Luain a thabhairt arís:

About forty years ago there was a good collection of the Lambe MSS. in possession of the Rev. James Malone, P.P., Belmullet, Co. Mayo, and during the summer of 1901 a very large and well-preserved one was exhibited for sale in the window of a second-hand book dealer in Dublin, for which he wanted four pounds . . . Many others were destroyed by a brother of Lambe who kept a shop at Mounthill. He used them to paper soap, candles, and other groceries.<sup>3237</sup>

Tá scéal eile againn i dtaobh na lámhscríbhinní a scriosadh i mBaile an Achaidh a chaitheann amhras ar an scéal a tugadh thuas. Deirtear an babhta seo gurbh é Tom Lamb ab ainm don fhear seo, ach ní luaitear ann go raibh páirt aige leis an Ath. Pádraig Ó Luain, ná ní shonraítear gur leis an Ath. Pádraig na leabhair sa chuntas seo. Lámhscríbhinní Airt Mhic Cumhaigh atá i gceist anois, agus deirtear fosta gurbh í iníon Tom Lamb a rinne an díobháil,

After his death his MSS. it is said, became the property of a man called Tom Lamb at Mounthill, but Tom’s daughter, Betty, opened a small shop at Glasdrummond chapel, and paper being scarce, she tore them up for parcelling goods.<sup>3238</sup>

Ní ceist dúinn go bhfuil lúb ar lár éigin anseo, agus gur ceart dúinn a bheith cúramach gan glacadh go réidh le cuntais den chineál seo i dtólamh. Dealraíonn sé ó chuntais eile gur scaipeadh páipéir an Ath. Pádraig Ó Luain sna ceithre airde den tír.

---

<sup>3237</sup> Kelly (1954: 115).

<sup>3238</sup> Ó Muirgheasa (1916: xxiii).

Chuaigh díom aon eolas a fháil i dtaobh na lámhscríbhinní sin ar leis an Ath. James Malone, S.P. Bhéal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, iad,<sup>3239</sup> agus má scríobh an tAth. Pádraig tiomna, níor cláraíodh é leis an stát. I measc na lámhscríbhinní a tháinig chun solais thart ar Choilleach Eanach go luath san 20ú hAois, bhí stair dhátheangach ar mhuintir an Chreagáin Uacht. Fuarthas í sa dúiche sin timpeall na bliana 1911,<sup>3240</sup> agus cuireadh faoi bharr lasrach í (Kelly 1954: 115). Is dócha gur thit an chinniúint chéanna ar an bhfoclóir sin a luadh a bheith á thiomsú go cúramach ag an Ath. Pádraig ar uair a bháis.<sup>3241</sup> Ní féidir an lámhscríbhinn sin a bhí ar taispeáint ag díoltóir leabhar i mBaile Átha Cliath i Samhradh na bliana 1901—mar a insíonn Hugh Kelly (1954: 115) dúinn—a cheangal le lámhscríbhinn ar bith ar an liosta thuas, agus is baolach go bhfuil sí cailte.<sup>3242</sup>

---

<sup>3239</sup> Ní féidir liom míniú a thabhairt ar an dóigh a bhfuair sé greim orthu. Is dóigh go raibh an ceart ag Énrí Ua Muirgheasa (1904: 695) gur lámhscríbhinn ón gcnuasach sin an ceann a bhí i seilbh Patrick O'Donnell ó Bhaile Uí Fhiaicháin, Co. Mhaigh Eo. Má ba ag an Ath. Pádraig í lá den saol, níorbh eisean a scríobh, óir scríobhadh nóta fáin uirthi sa bhliain 1798, nóta a thugann le fios go raibh an lámhscríbhinn i nDún Dealgan faoin am sin. Scríobh Dubhglas de hÍde (1904) cuntas catalóige ar ábhar na lámhscríbhinne, tar éis dó í a léamh sa bhliain 1900. Tá sí liostaithe mar cheann de na lámhscríbhinní a d'imigh ó thuairisc sa *Treoir.*, 83-4 §381. Tharla cuid de pháipéir Patrick O'Donnell i seilbh an Chaird. Uí Fhiaich, páipéir atá in COFLA anois, ach tá an chuma ar an scéal nach bhfuil an lámhscríbhinn seo ina measc. Tharlódh sé gur scoláire Gaeilge é Patrick O'Donnell, nó go raibh spéis aige i léann agus i stair na Gaeilge. Tá an dáta 1875 ar chuid de na páipéir sin.

<sup>3240</sup> Níl ach cuntas gearr agam ar an leabhar staire: 'A record of the Catholic families of Lower Creggan parish, written by *Rev. Patrick Lambe* (d. 1860). This work is said to have dealt with almost every family in Cullyhanna (or Lower Creggan) parish, and details in the history of some were given as far back as two hundred years. It contained also an account of some of the principal Catholic families of Dundalk and North Louth, and a translation in English was given on the opposite page in three different hands. This Ms. turned up during the spring of 1911 . . . . It was torn up and burned by children a few weeks after being found' (Kelly 1954: 115).

<sup>3241</sup> Féach an fógra báis a cuireadh i gcló thuas, mar chuid den chuntas seo, as an *Dundalk Democrat*, an 28 Lúnasa 1860.

<sup>3242</sup> Dar le Hugh Kelly, ba lámhscríbhinn thiubh í, agus dea-riocht uirthi; chuir an díoltóir athlámhe seo—nach luaitear a ainm—luach £4 uirthi. Mura dearmad an dáta 1901, ní féidir an lámhscríbhinn sin a cheangal le C Add. 4436 (19), óir (1) bhí an lámhscríbhinn bheag 92 leathanach seo i seilbh an Ath. de Paor sa bhliain 1904 (féach nóta 3206 thuas); (2) cheannaigh an tAth. de Paor i Luimneach í; agus (3) dhíol James Duffy í sa bhliain 1907. Bhain ARÉ 24L9 (122) agus ARÉ 24L40 (820) le cnuasach leabhar Sheáin Uí Dhálaigh, agus dhíol sé iad, mar aon le cuid mhaith leabhar eile, leis an Acadamh Ríoga sa bhliain 1869. Is í an t-aon lámhscríbhinn shubstaintiúil eile atá againn ó láimh an Ath. Pádraig COFLA D11, a bhfuil ceangal maith uirthi anois, cinnte, ach go bhfuil a tosach ar iarraidh, agus ba leis an Ath. Lúcas Ó Domhnalláin í. Chóipeáil Art Mhac Bionaid COFLA D10 aisti sa bhliain 1856, an réamhrá a chuir an tAth. Pádraig le COFLA D11 ar an 14 Lúnasa 1839 san áireamh. Féach nóta 3212 thuas.



LN G129. ‘Iomarbhágh na bhFileadh’. 1676.

LN G448. ‘Imtheacht agus Bás Chearbhaill agus Fhearbhlaidhe’, ‘Agallamh an Choirp agus an Anma’, ‘Ceasacht Inghine Guile’, ‘Easair Mhic Dá Thó’ [= ‘Scéala Muice Mheic Dá Thó’], ‘Oidhe Choinn Chéadchathaigh’, dán le Fear Feasa ón Cháinte, agus dánta eile. 1711-12.

LN G459. ‘Eachtra Mhic an Iolair’. 1676. Do *Thoirdealbhadh Ó Gabhann*.<sup>3243</sup>

Tá an chuma air go raibh an ceart ag Nessa Ní Shéaghdha (1999a: 227 n.3) nuair a scríobh sí, in alt a foilsíodh tar éis a báis, go raibh beirt scoláirí Gaeilge ann darbh ainm Conchubhar Ó Luinín:<sup>3244</sup> beirt a scríobhadh a n-ainm i mBéarla mar Cornelius Lunin agus Cornelius Linan faoi seach;<sup>3245</sup> beirt a bhí ag saothrú leo i bhfiordheireadh na 17ú hAoise, rud nach gcreidfí go réidh ar an gcéad léamh, b’fhéidir. Shínidís a gcuid oibre mar riail agus, tar éis dom scrípteanna na gcúig lámhscríbhinn dá ndéantús atá ar fáil go fóill a chur i gcomórtas lena chéile, measaim gur scríobh an chéad duine acu na trí cinn a thugtar ag tús an chuntais seo—LN G129, LN G448, agus LN G459—cé go bhfuil maolú tagtha ar a chumas peannaireachta in LN G448, a grafadh 35 bliana i ndiaidh na gceann eile. An dá lámhscríbhinn eile—ARÉ A.iii.2 (735), agus ARÉ B.i.1a(3-7) (1078)—is cosúil gur ghraf duine eile ar fad darbh ainm sin iad; tugtar Conchubhar Ó Luinín [2] (*q.v.*) air anseo. Ba eisean fosta a scríobh nótaí ar a mhuintir féin in LBO Rawl. B512(4) (38), lámhscríbhinn mheamraim ó dheireadh na 15ú hAoise. Tá script Chonchubhair Uí

<sup>3243</sup> Tá sonraí ag teastáil. Tugtar an leagan seo dá ainm, ‘a Thoirdealbhaigh Uí Gághan’ (*gair.*), sa lámhscríbhinn.

<sup>3244</sup> Is léir gur mar gheall ar an taithí a bhí ag Nessa Ní Shéaghdha ar lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta a tháinig sí ar an gconclúid nárbh ionann scríobhaí LN G459 agus ARÉ A.iii.2 (735), mar a scríobhann sí féin, agus is mór an trua, tharla an cur amach ar dóigh a bhí aici ar lámha scríobhaithe agus eile, nár leag sí amach liostaí cruinne de na lámhscríbhinní a scríobh an bheirt scríobhaithe seo.

<sup>3245</sup> LN G448, lch 111 (féach nóta 3249 thíos); LBO Rawl. B512(4) (38), f. 129a.

Luinín [1] in LN G129 agus in LN G459 thar a bheith cumasach, ach praiticiúil agus simplí ag an am céanna: í trom agus giota beag biorrach, agus cosúil go mór le stíl Chonchubhair Mhig Aodha (*q.v.*). Is leagan garbh míchúramach den stíl chéanna atá in LN G448, agus insíonn Conchubhar Ó Luinín [1] dúinn sa lámhscríbhinn sin go raibh a chuid foighne ag clis air agus é á scríobh.<sup>3246</sup> Peannaire thar a bheith pointeáilte ab ea Conchubhar Ó Luinín [2]: tá lámh néata dhlúth chuartha<sup>3247</sup> aige, le trasnáin thiubha ar na scríobanna aníos, agus iad ar dhéanamh dinge.

Dearcaimis ar an gceist seo go mion, ó ba nós é go dtí gur scríobh Ní Shéaghdha (1999a: 227 n.3) an nóta sin a luadh ag tús an chuntais seo, gan fordhealú foirmeálta a dhéanamh idir lámha na beirte sin. Níor féachadh fosta le liostaí iomlána dá gcuid saothar a leagan amach, cé gur thug scoláirí, agus LBO Rawl. B512 (38) i dtrácht acu ach go háirithe, tagairtí fáin do na lámhscríbhinní déanacha páipéir seo nach bhfuil beacht ná de réir a chéile.<sup>3248</sup> Tá, ar an taobh eile den scéal, cuid mhaith tréithe

<sup>3246</sup> Féach Caib. 1.3, colafon 94.

<sup>3247</sup> Is fíor sin i gcás ARÉ A.iii.2 (735) ach go háirithe.

<sup>3248</sup> Ní hiontas é gur glacadh leis nach raibh ann ach scríobhaí amháin darbh ainm Conchubhar Ó Luinín; is faoi Cho. Fhear Manach a thugtar ‘é’ i liosta Uí Bhaoill (2007: 82). Tagraíonn Sheila Falconer, ina cuntas ar LBO Rawl. B512 (38), don iontráil a scríobhadh ar f. 129a, agus na sínithe atá ar dhuilleoga eile,

‘Ms. *Concubur* ua Lunin. The surname in Irish occurs again (inverted) in the inferior margin f. 135b. This man is very likely the Conor Ó Luinín, scribe of RIA MS. A iii 2, of items 4-6 in B i 1a ... and of O’Reilly MS. no. 130... [No. 26, a copy of *Eachtra Mhacaoimh an Iolair*, is also ascribed to Ó Luinín but apparently by mistake, see *Gaelic Journal* 12, 58]’ (Falconer 1953: xxxv n.5).

Dhá nóta air sin:

- (1) An fhoirm sin Conor Ó Luinín, níl sí sa lámhscríbhinn seo, ná in aon lámhscríbhinn eile, go bhfios dom, agus tagann de sin nach bhfuil ann ach leathastriúchán meicniúil ar an leagan Gaeilge. Is éard atá i gceist le lámhscríbhinn 130 de chuid O’Reilly, an leabhar ar a dtugtar LN G448 anois, *N.L.I. Cat.*, x, 26.
- (2) Dála an nóta i dtaobh O’Reilly 26—LN G459 atá uirthi faoi láthair—ba é an nóta sealbhóra a scríobh Stiabhna Rís ar an lámhscríbhinn sa bhliain 1719 ab údar leis an mearbhall in Mac Néill (1902: 58). Léirigh Ní Shéaghdha nach raibh ann ach breacaireacht dhéanach, *N.L.I. Cat.*, x, 52, agus gurbh é Conchubhar Ó Luinín [= Conchubhar Ó Luinín [2] seo againn] an scríobhaí.

I measc na bhfoinsí a cheadaigh Ó Cuív (2001), agus a chuntas ar LBO Rawl. B512 (38) á scríobh aige, luann Ó Cuív (2001: 234) ARÉ A.iii.2 (735) amháin: ‘... Conchubhar Ua Luinín (Cornelius Linan) who can be identified as the Conchubhar Ó Luinín who wrote RIA MS. 735 (A iii 2) in 1693’. Is ar éigean a tharlódh sé nach mbeadh eolas ag Brian Ó Cuív ar na lámhscríbhinní eile—agus bhí cuntas Falconer (1953) léite aige—óir tagraíonn sé don leabhar sin áiteacha eile. B’fhéidir, mar sin,

i gcoitinne idir saothair Chonchubhair Uí Luinín [1] agus Chonchubhair Uí Luinín [2]. Chuir an bheirt acu spéis in ábhar léannta, ach dealraíonn sé nach mór an leid sin mar gheall ar an tréimhse inar mhair siad. Fir Laidine a bhí iontu beirt fosta.<sup>3249</sup>

D'fhéadfaí a áiteamh gur scríobh an Conchubhar céanna na lámhscríbhinní a leagadh ar Chonchubhar Ó Luinín [1] agus ar Chonchubhar Ó Luinín [2], ar an tuiscint (1) go mbaineann na lámhscríbhinní le tréimhsí difriúla ina shaol; nó (2) gurb iad an chéad chnuasach na cinn a scríobh sé dá úsáid féin, ó tharla nach bhfuil siad chomh foirmeálta agus chomh maisithe leis na cinn eile. Ní gá ach féachaint ar dhátaí na lámhscríbhinní le fáil réidh leis an gcéad tuairim. B'fhéidir go ndéarfaí go bhfuil dealramh na fírinne ar an dara tuairim, tharla gur lú toirt na lámhscríbhinní 'neamhfhoirmeálta' sin, agus go bhfuil ábhar chun tosaigh iontu nach bhfuil chomh seanda sin le hábhar agus le cruth na lámhscríbhinní a áiríodh faoi Chonchubhar Ó Luinín [2] thíos—ARÉ A.iii.2 (735), ar cóip thíolactha í de théacs ón 15ú hAois, agus na hannála foirmeálta atá sna codanna de ARÉ B.i.1a (1078) a scríobh Chonchubhar Ó Luinín [2], srl. Is féidir neamhaird a thabhairt ar an teoiric seo, áfach, ar an mbonn gur in LN G459 amháin a ainmnítear pátrún, Toirdhealbhadh Ó Gabhann, agus tá an lámhscríbhinn seo scríofa sa stíl phraiticiúil. Glacaim leis anseo gur bheirt ar leith iad Chonchubhar Ó Luinín [1] agus Chonchubhar Ó Luinín [2].

Ní féidir teacht ar mhórán ábhar beathaisnéise faoi dhuine ar bith den bheirt scoláirí seo,<sup>3250</sup> agus is deacra go fóill an t-aon bhlúire tábhachtach eolais atá againn a leagan ar dhuine amháin acu thar a chéile—an ginealach a thugann Labhrás Ó hArann (*q.v.*) sa réamhrá a chuir sé lena *Geinealaighe Fearmanach*. Pléadh an ginealach seo

---

gur leasc leis a áiteamh gur scríobh an duine céanna na trí lámhscríbhinn a luaigh Falconer (1953: xxv *n.5*), ach is doiligh sin a chinntiú anois.

<sup>3249</sup> Tabhair faoi deara an colafon Laidine a scríobh Chonchubhar Ó Luinín [1] in LN G448, lch 111, 'Horum carminum lectoris candidissimi orate pro anima subscripti viz Cornelius Lunin ... Febr. 20, 1711'; agus an nóta sealbhóra a scríobhadh in LBO Rawl. B512(4) (38), f. 139vb, rud a thugtar i nóta 3264.

<sup>3250</sup> Ní hionann é agus Séarlas Ó Luinín (*q.v.*), mar a thug Breatnach (1990: 38) le fios.

cheana.<sup>3251</sup> Deir Labhrás Ó hArann gur shíolraigh a mháthair, Siúdhan Ní Luinín, ó Chonchubhar mac Phiarais mhic Giolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín; agus, mar a dúradh sa bheathaisnéis a tugadh ar Labhrás Ó hArann (*fl.*1777-1809) é féin i gCaib. 2.178 thuas, is beag nach cinnte gurb é an Giolla Phádraig Ballach a luaitear sa ghinealach an scoláire mór le rá Giolla Phádraig Ó Luinín (*al.* Pádraig Ballach Ó Luinín) a mhair sa 17ú hAois. Tá tagairtí againn, mar a chonaecthas thuas, do lámhscríbhinní dá chuid a scríobhadh idir 1631 agus 1654,<sup>3252</sup> nuair a bhí sé ina ollamh do bheirt phátrún darbh ainm Brian Mag Uidhir.<sup>3253</sup> Tagann de na dátaí seo a leag muid amach do Ghiolla Phádraig Ballach Ó Luinín gur beag nach cinnte go bhfuil Labhrás á rá anseo gurbh iníon le Conchubhar í Siúdhan. Cuireann Labhrás muid uilig ar an eolas—ar fhaitíos nárbh eol dúinn—go raibh cáil ar a shinsir ar thaobh a mháthar mar theaghlach léannta, agus gur uaidh sin is dual dó a bheith, mar a deir sé, ina chroinic. Níl a dhath ar bith ar eolas faoi Phiaras, go bhfios dom, agus ní deirtear dada i dtaobh Chonchubhair in *Geinealaighe Fearmanach*, ach amháin go bhfuil sé intuigthe gurbh iníon leis máthair Labhráis, Siudhán, bean Thomáis Uí Arann. Cé gur féidir buille faoi thuairim a thabhairt faoi dháta breithe Labhráis Uí Arann ó na dátaí a luann sé ina chuid lámhscríbhinní, agus gur féidir tomhas an-gharbh a thabhairt ar aois Ghiolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín fosta, is doiligh (más indéanta sin féin) an t-eolas uilig a chur le chéile go sásúil sa dóigh go mbeifí in ann a rá cé acu Conchubhar Ó Luinín [1] (*fl.*1676-1712) nó Conchubhar Ó Luinín [2] (*fl.*1693-1710) ba dhóichí a bheith gaolta le Labhrás Ó hArann agus le Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín. Fágann sin muid taobh lena gcuid leabhar leis an gceist a réiteach.

---

<sup>3251</sup> Féach an cuntas ar Labhrás Ó hArann i gCaib. 2.178 thuas.

<sup>3252</sup> Féach nóta 3055.

<sup>3253</sup> Féach nóta 1936 i dtaobh na bpátrún seo.

Is dóigh, ar an gcéad amhrac, gurbh ua le Conchubhar Ó Luínín [1] é Labhrás Ó hArann, ós eol dúinn gur shíolraigh muintir Labhráis ó Cho. Fhear Manach, agus gur dócha go raibh cónaí ar Chonchubhar Ó Luínín [2] i gCo. Liatroma an uair a chuir sé colafon le ARÉ A.iii.2 (735) ar an 1 Lúnasa 1693. Ní hé go gcruthaíonn sé seo gurbh as an gcontae sin dó, ach amháin go raibh sé ag cur faoi ann, nó lonnaithe ann, fiú, ar feadh tréimhse sa bhliain 1693. De bhreis air sin, shroich lámhscríbhinn amháin, ar a laghad, dár scríobh Conchubhar Ó Luínín [1] Baile Átha Cliath chomh luath leis an mbliain 1719,<sup>3254</sup> rud a théann le héirim an scéil a insíonn Labhrás dúinn faoi féin, agus leis an méid atá ar eolas faoina shaol. Is maith is féidir, áfach, gur rugadh Labhrás i gCo. Fhear Manach, agus gur aistrigh a mhuintir—nó é féin amháin, fiú—go Baile Átha Cliath am éigin roimh an mbliain 1778.<sup>3255</sup> Léirigh an plé a rinne Caoimhín Breatnach (1990) ar an leagan Nua-Ghaeilge Moiche de ‘Scéala Muice Mheic Dá Thó’<sup>3256</sup> go bhfuil cosúlachtaí láidre idir trí cinn de na ceithre lámhscríbhinn ina bhfuil an téacs ar fáil: ARÉ 24P12 (90), lámhscríbhinn luachmhar a scríobhadh am éigin roimh 1648; LN G448, ó láimh Chonchubhair Uí Luínín [1], 1711-12; agus CT H.6.8 (1412), ar scríobh Labhrás Ó hArann cuid mhaith di sa bhliain 1777. Tuairimíonn Breatnach (1990: 40) gur dócha gurbh é Giolla Phádraig Ballach Ó Luínín a scríobh ARÉ 24P12 (90). Cé go bhfuil léamha i gcoitinne ag na trí lámhscríbhinn sin in aghaidh na cóipe eile, a scríobhadh in Albain, creideann Breatnach (1990: 37), a rinne grinnstaidéar ar na téacsanna, gur cóip den lámhscríbhinn is sine, ARÉ 24P12 (90), í cóip Labhráis Uí Arann, CT H.6.8 (1412).

<sup>3254</sup> LN G459, ar ar bhreac Stiabhna Rís nóta sealbhóra sa bhliain 1719. Is léir ó na scríbhinní eile a ghráf Stiabhna Rís go raibh sé i mBaile Átha Cliath an tráth sin. Muimhneach a bhí ann. Féach an rann a scríobh Tadhg Ó Neachtain air, rud atá i gcló in O’Rahilly (1913a: 160) agus in Harrison (1988: 136), áit a dtugtar ‘Stiophán ionmhuin Maolcraoibhe ...’ air. Bréagaistriú ar *Stephen Rice* atá ann.

<sup>3255</sup> Is cosúil go mór go raibh sé i mBaile Átha Cliath faoin 24 Lúnasa 1778, an lá ar thosaigh sé a chóipeáil LB Eg. 161 as ARÉ 23A45 (629), nó lámhscríbhinn eile le Muiris Ó Gormáin. Féach nóta 3063 thuas.

<sup>3256</sup> Tugtar ‘Easair M[h]ic Dhathó’ ar an téacs in LN G448.

Áitíonn Breatnach (1990: 38) fosta go síolraíonn LN G448 ar bhealach éigin ó ARÉ 24P12 (90), agus gur ‘innovations on the part of the scribe of [LN] G[448] or an intervening copyist’ na léamha atá inti nach dtéann le ARÉ 24P12 (90), athruithe a rinneadh ar an téacs, dar leis, as siocair ARÉ 24P12 (90) a bheith doléite nó truaillithe.<sup>3257</sup> Cé go dtéann sé seo leis an argóint gur de shliocht Ghiolla Phádraig Bhallaigh Uí Luinín é Labhrás,<sup>3258</sup> ní haon chrann taca é don tuairim gurbh ua le Conchubhar Ó Luinín [1] é.<sup>3259</sup> Diomaite de sin, léiríonn sé, gan amhras, go raibh Labhrás agus Conchubhar Ó Luinín [1] ag tarraingt ar an lámhscríbhinn chéanna, agus gur féidir go raibh páirt ghairid acu lena chéile.

<sup>3257</sup> Is fiú caint Chaoimhín Bhreatnaigh a thabhairt ina hiomláine anseo: ‘In cases where [ARÉ 24]P[12 (90)] is corrupt, a *lectio faciliior* is inserted, e.g. agcathóibh §8 where the reading of [ARÉ 24]P[12 (90)] ... is a corruption of *i gceardaibh*. The reading *cathmileadhti* (or *?cathmilti*) §4 in [LN] G[448] (and in [CT] H[.6.8 (1412)]) seems to go back to a misreading of [ARÉ 24]P[12 (90)] ... There is no reason to believe, therefore, that [LN] G[448] does not ultimately derive from [ARÉ 24]P[12 (90)]. Further evidence for the close relationship of these MSS to one another is provided by the presence of two other tales—*Tochmharc Fhearbhlaidhe* (TF) and *Ceasacht Inghine Guile* (CIG)—in each. A fourth tale, *Oidheadh Chuinn Chéadchathaigh* (OCC), is to be found in [ARÉ 24]P[12 (90)] and [LN] G[448] but not in [CT] H[.6.8 (1412)]. The tales follow the same order in each MS ... An examination of these versions of TF and CIG shows close agreement between the MSS’ (Breatnach 1990: 38).

Luann Breatnach (1990: 39-40) gur baineadh cuid mhaith den ábhar atá in CT H.6.8 (1412) as eiseamláir a cuireadh le chéile do Bhrian mac Con Chonnacht Mhig Uidhir, ós rud é go bhfuil cuid mhaith de na téacsanna céanna in ARÉ C.vi.1 (936) agus in CT H.6.8 (1412). Grafadh ARÉ C.vi.1 (936) sa bhliain 1718 as seanleabhair a chuir Brian mac Con Chonnacht Mhig Uidhir á scríobh sa bhliain 1638.

<sup>3258</sup> Mar gheall ar na cosúlachtaí atá ann idir CT H.6.8 (1412) agus ARÉ C.vi.1 (936), agus ós rud é gur shíolraigh Labhrás Ó hArann ó mhuintir Luinín ar thaobh a mháthar, agus ar ábhair eile, tuairimíonn Breatnach (1990: 40) gurbh é Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín a chóipeáil ARÉ 24P12 (90). Gheofar tuilleadh eolais faoi Ghiolla Phádraig Ballach Ó Luinín, agus faoi na lámhscríbhinní seo, i nótaí 3055, 3257 thuas.

<sup>3259</sup> Tuigeadh do Bhreatnach (1990: 41-2) gur bunaíodh an leagan seo ar leagan éigin den téacs atá cosúil leis an gceann atá in LBO Rawl. B512 (38)—tugann sé ‘the Rawlinson B 512 version’ air. Bhí an lámhscríbhinn—nó codanna di ar a laghad—i seilbh Chonchubhair Uí Luinín [2]. De réir an phlé a rinne Ó Cuív (2001: 229-30) ar ríomhadh na leathanach sa lámhscríbhinn, dealraíonn sé gur ceanglaíodh le chéile na duilleoga a chuimsíonn na codanna éagsúla sin ar a dtugann sé Cuid 1 (uimhreacha rómhánacha in Ó Cuív (2001)), Roinn 1, le Codanna 2 agus 3 chomh luath leis an 16ú hAois, is féidir, agus gur ceanglaíodh Codanna 4 agus 5 leo ina dhiaidh sin. Ní féidir a thaispeáint go raibh aon chuid den lámhscríbhinn seachas Cuid 4 i seilbh Chonchubhair Uí Luinín [2], ach is féidir, ag an am céanna, gur bhain Cuid 1, Roinn 2 agus Cuid 4 leis an genuasach leabhar céanna chomh fada siar leis an 16ú hAois (Ó Cuív 2001: 230-1). Is léir, thar aon rud eile, gurbh ón Mí do Chodanna 1 agus 4.

**ARÉ A.iii.2 (735).** Cuid di.<sup>3260</sup> ‘Eochairsgiath an Aifrin’ (cuid de), ‘Vita Christi’ [= ‘Smaointe Beatha Chríost’] (cuid de). Muintir Chionnaoith,<sup>3261</sup> Liatroim 1693.

**ARÉ B.i.1a(3-7) (1078).** Formhór díobh.<sup>3262</sup> Giotaí annála, blogh de ‘Iomarbhágh na bhFileadh’, agus bloghanna eile.

Is éard atá sa cheathrú cuid de LBO Rawl. B512 (38), lámhscríbhinn mheamraim a breacadh ag deireadh na 15ú hAoise i gCo. na Mí, agus ina bhfuil, de bhreis ar mhórán téacsanna eile, cóip de ‘Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha’. Is ar spás a d’fhág scríobhaí an scéil seo bán ar ábhar éigin, dar le hÓ Cuív (2001: 239),<sup>3263</sup> a scríobh Conchubhar Ó Luinín [2] cuid mhaith iontrálacha a bhaineann le breitheanna

<sup>3260</sup> Féach an cuntas a thugann an *R.I.A. Cat.*, 2236-7, ar an lámhscríbhinn, ina bhfuil 86 dhuilleog agus duilleog scaoilte, f. 87, ó lámhscríbhinn eile: ‘Scribe, place, date: “1693 iarna scríobhadh le Conchabhar Ó Luinín a Muintir Chionnaoith . . . August, primó” (see f. 296, foot of col. a. Signature only, f. 53b, foot of col. a). [Perhaps this scribe was a relative of the “Cathal Ó Luinín,” apparently an Ulsterman, who was a companion of Seaán Ó Neachtain...] Two styles (or contemporary hands?) appear (cf. change from one to the other, f. 53b, col. b, l. 26)’.

Léitear f. 29b .i. f. 29v anseo in áit f. 296, ar botún cló é. Maidir leis an malairt scripte anseo ag f. 53vb26, scoireann an lámh atá sínithe ag Conchubhar Ó Luinín [2] den scríobh i lár abairte i ndiaidh an fhocail *Ihesu*, agus leanann an téacs ar aghaidh i láimh eile ina dhiaidh sin, ag tosú leis an bhfocal *Criosda*. An dara scríbhneoir a chríochnaigh an lámhscríbhinn, tríd an bpeannaireacht a chur i gcomórtas le lámhscríbhinn eile, is féidir a rá gur bh é Énrí Ó Caiside (*q.v.*) é. Scríobh Énrí Ó Caiside cóip eile den téacs seo in 1703. Tabhair faoi deara cruth na litreacha *d, D, f, g, h, N, p, P, Q, s, S*, agus an chaoi a scríobhann sé na ceanteidil sa chuid sin den lámhscríbhinn, m.sh. *De multiplicatione* ..., f. 55vb37; *Quomodo* ..., f. 57vb1, srl.

<sup>3261</sup> Féach an sliocht as an *R.I.A. Cat.*, 2236, i nóta 3260 thuas, mar a bhfeicfead nár scríobh sé ach ‘Muintir Chin—’ sa cholafon, ach ní dócha go bhféadfaí an nod a scaoileadh ar bhealach eile sa chás seo.

<sup>3262</sup> De réir mo thuisceana féin, scríobh Conchubhar Ó Luinín [2] codanna 3-4, 5 (*a*) amháin, 6, agus cuid 7 síos go dtí f. 1v3; tá an dán a líonann an chuid eile den leathanach seo i láimh eile.

<sup>3263</sup> Chreid Sheila Falconer (1953: xxv), a chaith roinnt mhaith ama ag dul siar agus aniar ar an gcóip de ‘Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha’ atá in LBO Rawl. B512(4) (38), gur chealaigh an scríobhaí seo cuid den scríbhneoireacht bhunaidh lena chuid nótaí a scríobh, agus go bhfuil cuid den scéal ar iarraidh dá réir. Is dóigh gur tuigeadh sin di ós rud é go bhfuil drochbhail ar an lámhscríbhinn, sa dóigh nach bhfuil ord ceart ar chuid mhaith de na leathanaigh. Tá sé chomh maith againn bua an amhrais a thabhairt do Chonchubhar Ó Luinín [2], agus glacadh le tuairim Uí Chuív (2001) nach ndearna sé amhlaidh, ó tharla nach dtéann sé le dea-chéill go nglanfadh scríobhaí cúramach dá phór aon cholún amháin de scéal, díreach le cúpla nóta a scríobh, agus é ar eolas againn gur chuir sé spéis in ábhar stairiúil agus cráifeach. Níor bhain sé d’aon chuid eile den lámhscríbhinn, ach amháin gur scríobh sé a ainm uirthi.

teaghlaigh idir 1700 agus 1710.<sup>3264</sup> Shínigh sé a ainm mar ‘Cornelius Linan’ i nóta Laidine, agus mar ‘Conc[h]ub[h]ar Ua Lunín’,<sup>3265</sup> áiteacha eile sa lámhscríbhinn.

Is beag atá ar eolas faoina shaol dáiríre, ach go raibh sé i mbun pinn i Muintir Chionnaith, Co. Liatroma, ar an 1 Lúnasa 1693, nuair a bhí ‘Smaointe Beatha Chríost’ á ghrafadh aige; ba é Énrí Ó Caiside (*q.v.*), an scríobhaí leighis a thaithigh cuid mhaith de Chúige Uladh, a chuir an saothar i gcrích, ar ábhar éigin. Tá an méid de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ atá in ARÉ A.iii.2 (735) go sea i bpeannaireacht Chonchubhair fosta, agus is ábhar spéise gur fágadh ar lár inti sleachta as an mbunsaothar atá in easnamh in ARÉ A.iii.4 (736).<sup>3266</sup> Ba é Énrí Ó Caiside a ghraf ARÉ A.iii.4 (736), agus ós rud é go raibh Énrí ag obair do Bhrian Mhag Uidhir sa bhliain 1703, is féidir go raibh ceangal éigin ag Conchubhar Ó Luinín [2] leis an tionscnamh cóipeála a chuir Brian Mhag Uidhir ar bun i gCnoc Ninne. Níl i gceist ansin ach tuairimíocht, ach baineann an dá leabhar de chuid Chonchubhair Uí Luinín [2] atá againn le cnuasach Stowe, an cnuasach céanna lena mbaineann cuid mhaith de lámhscríbhinní Bhriain Mhig Uidhir, *Leabhar Chnoic Ninne* san áireamh. Ba scríbhneoir oilte gairmiúil é Conchubhar Ó Luinín [2], dealraíonn sé, ach is doiligh cibé páirt a bhí aige le scríobhaithe tábhachtacha eile mhuintir Luinín a dhéanamh amach, óir ní thugann sé a ghinealas dúinn. Léiríonn an méid de ARÉ B.i.1a(3-7)

---

<sup>3264</sup> LBO Rawl. B512(4) (38), f. 139vb. Seo na hiontrálacha, de réir chatalóg Uí Chuív (2001: 239): ‘In space left blank: (a) “Cornelius Linan est vero possessor huius libri”; (b) In an Irish hand: Note on force of letter *h* in relation to letters representing voiced plosives, beg. *Omon tibuin ta ar mo dhal*; (c) Entries in dark ink: (i) “Patt Linan borne (with ‘obijt’ suprascript) y<sup>e</sup> 4<sup>th</sup> .7.<sup>br</sup> being Tuesday 1700.”; (ii) “Rynold Linan born ye .18<sup>th</sup>. Tuesday July anno ut supra”; (iii) “Phillip mc Linan Edmond & son borne the 15th day of Aprill 1704”; (iv) “Catharine Linan borne May y<sup>e</sup> 21 being Munday att night 17( )4.”; (v) “Onora was born y<sup>e</sup> 18. 8<sup>br</sup>. on thursday 1710”.

<sup>3265</sup> LBO Rawl. B512(4) (38), f. 129rb.

<sup>3266</sup> Tá mé ag brath go hiomlán ar a ndeirtear san *R.I.A. Cat.*, 2237-8, i dtaobh na gcosúlachtaí atá idir an dá lámhscríbhinn seo. Cuimhnítear air gur tharraing Ó Fiannachta (1961-3) aird air ina dhiaidh sin go bhfuil dhá leagan bhunúsacha de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ ar fáil go fóill, leagan ‘simplí’ a bhfuil fáil air in dhá lámhscríbhinn de chuid an Tuaiscirt, LB Eg. 189 agus MN B7, a scríobhadh sa 17ú hAois; agus leagan ‘casta’ inar cuireadh mórán sleachta Laidine, srl. Níl mé i gcumas a rá goidé an ceangal go díreach atá ag ARÉ A.iii.2 (735) agus ARÉ A.iii.4 (736) leis an leagan simplí seo, ná gur gaire an dá lámhscríbhinn seo dá chéile ná aon chóip eile dár tháinig slán chugainn. Bheadh staidéar ar na cóipeanna éagsúla den saothar ag teastáil nó go mbeifí in ann freagra a thabhairt ar na pointí seo.



(1078) atá ina láimh gur chuir sé spéis i nginealaigh agus sna hannála; tá annála a thráchtann ar eachtraí na mblianta 1641 agus 1643 in ARÉ B.i.1a(4) (1078).

**2.189. Séarlas Ó Luinín,**<sup>3267</sup> fl.1708-38

[Charles Lynegar]

**ARÉ 23E18 (997).** Ginealaigh, cúpla seanachainí a scríobhadh faoi choinne mhuintir Luinín. Ard Uí Luinín, gar d’Inis Ceithleann, Fear Manach 1712.

**ARÉ 24D4 (1035).**\* Ginealach (Béarla).

Rinneadh plé mion ar an scríobhaí seo in Quin (1939), Risk (1966), agus Simms (1998: 266, 275-6). Déantar cur síos air fosta, nó ar ghnéithe eile dá chuid oibre, in Ó Conchubhair (1943-4), O’Sullivan (1943-4), Greene (1945-7), Ó Cuív (1945-7), Killeen (1982-3), Williams (1986: 114-15), Harrison (1988: 29), srl. Tugtar cuntas maith gairid air in *Beath.* 1560-1781, 153 col. a – 154 col. a.

Ní fios dúinn cár rugadh Séarlas Ó Luinín go díreach, ná níl d’eolas againn ar a shinsir ach gur shíolraigh sé ar bhealach éigin ón teaghlach léannta úd a bhíodh lonnaithe in Ard Uí Luinín, Co. Fhear Manach, agus a bhí ina n-ollúna do Mhag Uidhir Fhear Manach. Is dóigh gur tháinig Séarlas ar an saol i gCo. Fhear Manach am éigin idir an Athghairm agus Cogadh an Dá Rí.<sup>3268</sup> D’fhág Cathal Ó Conchubhair aoir againn a cuireadh i mbéal Shéarlais Uí Luinín, nó i mbéal duine darbh ainm ‘Cormac an Chúil mac Mhatha Bháin Uí Luinín’.<sup>3269</sup> Níl sa leagan sin dá ainm baiste,

---

<sup>3267</sup> Tugtar idir *Cormac an Chúil*, *Cathal* agus *Séarlas Ó Luinín* ar an scríobhaí Gaeilge seo i bhfoinsí éagsúla, agus shocraigh mé ar an leagan *Séarlas* a úsáid—cé gur minice a cheadaítear *Cathal Ó Luinín*—ar an tuiscint gurb é seo an leagan Gaeilge a d’úsáid sé sa chéad phíosa scríbhneoireachta dá chuid a bhfuil tuairisc againn air, lámhscríbhinn na bliana 1709 (féach i gcorp an chuntais thuas, agus nóta 3273 thíos). Is eisean an ‘unfortunate hack’ dá ndearna T. F. O’Rahilly (1932: 9-10 n.2) tagairt, mar gheall ar na dánta a scríobh sé, b’fhéidir. Féach i dtreo dheireadh an chuntais seo, agus nóta 3292 go sonrach, áit a bhfaighfear eolas ar ghiotaí eile óna láimh.

<sup>3268</sup> Bhí Séarlas Ó Luinín ina bheatha idir na blianta 1708 agus 1738, agus ina fhear déanta faoi 1708; bhí a sheanathair Matha Ó Luinín (*al.* Matthew Lynegar) beo sa bhliain 1671. Ligeann an méid seo dúinn a rá gur dóigh gur rugadh Séarlas Ó Luinín am éigin idir c.1660 agus c.1690.

<sup>3269</sup> Féach nóta 3289.

Cormac, ach aistriúchán meicniúil ar Charles. Sa lámhscríbhinn aisteach sin, ARÉ 23E18 (997), a scríobhadh den chuid ba mhó sa Bhéarla ach ar an gcorrlitir, tugann Séarlas ainm a sheanathar dúinn, Matha Ó Luinín (*fl.*1671), nó Matthew Lynegar. Ar leathanach amháin sa lámhscríbhinn sin—ar meascán de shleachta í, glactar leis, as seanleabhair a chuir muintir Luinín le chéile—déanann Séarlas tagairt inspéise dá sheanathair,

Atáimsi Charles Lynegar grandson of the afforrsaid Sir Mathew Lynegar now Master and Professor of the Irish Language in Trinity College Dublin in anno 1712.<sup>3270</sup>

Déanann Simms (1998: 275-6) cur síos an-mhaith agus teannfhoclach ar stair mhuintir Luinín, a thagann aníos sna hannála den chéad uair i rith na 14ú hAoise,

The Uí Luinín held an intermediate rank among the medieval *seanchaidhe*, not as wealthy and nationally renowned as the Uí Mhaolchonaire, nor as obscure as the Uí Chuindlis. Like the Ó Duibhgeannáin and Ó Cuirnín families ..., they are first recorded in the annals as historians in the fourteenth century, and ... *airchinnigh* ...of Arda... The first Matha or Matthew on record (d. 1396), ... is described as skilled in praise-poetry, history, music, Latin learning and other arts. His successor, Piarus the Crooked (d. 1441), was poet and historian ..., a tradition continued by his son, Matha II (d. 1477), while Tadhg Fionn Ó Luinín (d. 1478) is called a sage in medicine as well as history. Ruaidhrí (d. 1528), the son of Matha II Ó Luinín was scribe of a large part of both the A and B versions of the Annals of Ulster, as was proudly noted in 1579 by his grandson, Matha Ruadh (d. 1588) or ‘Matthew O Lonine of the Arde’, also mentioned in the annals as *saoi re senchus* ...

In 1641 a colophon of Pádraig Ballach Ó Luinín claimed to reissue not merely a genealogy but ‘the privileges which are called jus patronatus’ from his family archives. The year 1641 of course, ushered in a period in Ireland’s history during which many old rights and privileges were being reasserted. By 1671 the pendulum had swung back again, and Matha Ó Luinín of Ard Uí Luinín now styled himself Mathew Lynegar of Mount Lynegar, ‘chief antiquary and king-at-arms of Ireland’, and drew up pedigrees for the new English settlers. Charles Lynegar tells us this Mathew was his grandfather,

---

<sup>3270</sup> ARÉ 23E18 (997), lch 11. Chuir Quin (1939: 136) an nóta sin i gcló.

and his extensive collection of English and Anglo-Irish genealogies seems to have been an important source for Charles' own work.<sup>3271</sup>

An tsolúbthacht intleachtúil agus pholaitiúil seo ba thréith de chuid mhuintir Luinín sa tseanaimsir, tháinig sí chun cinn ar bhealaí spéisiúla i gcuid saothar Shéarlais Uí Luinín é féin, ar ndóigh. Níl aon eolas againn i dtaobh bhlianta a óige. Scríobh Bewley (1905), breis agus céad bliain ó shin, alt ar ghinealach a bhí ar coimeád i leabharlann Heywood, Baile na Coille, Co. Laoise, ginealach a thaispeánann go raibh Séarlas Ó Luinín lonnaithe i mBaile Átha Cliath faoin 5 Meitheamh 1708, agus go raibh tús curtha aige le tiomsú na nginealach úd a thuill clú agus míchlú dó. Ní fios dom cá bhfuil an ginealach é féin, ach is féidir cuid den chóip a phriontáil Bewley (1905: 54-5) a tharraingt go nua, mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis,

The Genealogie of Boyle Moore Esquire taken out of the Antiquary of Ireland kept by my Ancestors who were chiefe Antiquarys of Ireland as by Confirmation appears under the hands of the four Titular Archbishops formerly of Ireland with severall other Bishops and Prelates. I therefore Charles Lynegar, als Ô Lunnín doe give this Antiquary to the aforesaid Boyle Moor Esquire son to Coll. Roger Moor of Johnstown in the County of Dublin ... Written at Dublin the sixth day of June 1708—

Ô Lunnín.<sup>3272</sup>

Diomaite de gur dhóigh le Bewley (1905: 59) go raibh Séarlas 'too ready to try short cuts' agus an ginealach seo á chur le chéile aige, tugann sé cúpla giota eolais dúinn faoi Shéarlas. Sa chéad áit, is féidir nach raibh sé ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide go fóill an uair sin, óir ba ghnách leis sin a rá i gcuid mhaith de na ginealaigh eile a chuir sé le chéile i dtús a shaoil. Is doiligh a rá cérbh iad na heaspaig a bhí i gceist aige, ach ba nós na laethanta sin, 'Titular Bishops', srl., a thabhairt ar easpaig Chaitliceacha, agus glacaim leis gurbh iad na hArd-Easpaig

---

<sup>3271</sup> Simms (1998: 275-6).

<sup>3272</sup> Bewley (1905: 54).

Chaitliceacha iad an ceathrar a bhí i gceist aige, murab eol dúinn cá huair a scríobhadh na teistiméireachtaí sin. Thosaigh Séarlas a theagasc na Gaeilge do mhic léinn diagachta i gColáiste na Trionóide c.1708, mar a fheicfear ar ball beag.

Bhíodh lámhscríbhinn a scríobh Séarlas Ó Luínín i seilbh Dheoise Dhoire agus Ráth Bhoth tuairim is ochtó bliain ó shin,<sup>3273</sup> leabhar cuimsitheach a ghráf sé don Dr Seon Hál (John Hall) sa bhliain 1709, agus an chuid is mó de líonta aige le dánta molta agus sleachta as píosaí eile. Ag deireadh na lámhscríbhinne, thug Séarlas an dá cholafon ghairide seo,

Ag sin duit a dhochtúir Seón Hal, & go bhfhóngna sé dhuit, do thaobh ánma agus cuirp, ó bhur sreairbhfhóntigh roionmhain féin go héug .i. Séurlus Ó Luínín etc. ...

Finis ris an leabhraín so, do dhoc[h]túr Seon Hal .i. provis & ardoide Chalaisde Atha Cliath san mblíadhain ano Dōm 1709.<sup>3274</sup>

Ar an gcéad leathanach eile sa lámhscríbhinn, tá nóta ó láimh Shéarlais a thugann le fios gurb é seo ‘leabhar Seórsi Blacburn’,<sup>3275</sup> agus leanann dán molta an méid sin,

Seórsi mear mórrdha, an fear uaisle thríd dhaonnacht—  
Goll ar neart, Fionn air smacht, Samson le hEural;  
Blacburn air éifacht, air thréine, ’s air bhéusaibh,  
bradan geal, cuileun ceart, rogha gach mná air chéile.  
Geata na mbocht dochma nair ghoibh cochl do chleibhsi,  
ach gach ní san saeghal da bhfaghadh air mhéud do thadhlaice gan eura.  
A Blacburn na flaithulacht, go bhfadidh do laetha.<sup>3276</sup>

---

<sup>3273</sup> L 11 a 19 an uimhir phreasa a bhíodh uirthi, nuair a bhí sí i gCartlann Dheoise Dhoire agus Ráth Bhoth. Tá cuntas uirthi in Quin (1939), agus tá sí áirithe mar lámhscríbhinn chaillte sa *Treoir.*, 76 §335.

<sup>3274</sup> Féach Quin (1939: 127). Bhí an dá cholafon sin ar lch 77.

<sup>3275</sup> Bhí an nóta sin ar lch 78. Féach Quin (1939: 127).

<sup>3276</sup> Sin an dán mar a cuireadh in eagar é in Quin (1939: 135), ach amháin gur thug mé an phoncaíocht chun slachta giota beag. Na litreacha atá i gcló iodálach sa dán, is mar sin a scaoil Cosslett Quin é féin na noda.

Luaigh Ó Casaide (1942: 132) in alt a scríobh sé ar leabhair chlóite Gaeilge an Reifirméisin, go raibh údar maith aige lena áiteamh go ndearna Séarlas Ó Luinín cuid den obair aistrithe ar leagan Sheoin Mhic Risteaird den *Book of Common Prayer, Leabhar na nOrnaightheadh cComhchoitcheann* (1712). Ní mhíníonn Ó Casaide (1942: 132), ar an drochuair, goidé a thug air sin a rá, ach luann an tOir. Seon Mac Risteaird (c.1664-1747) i leabhar eile dá chuid, *A Short History of the Attempts that have been Made to Convert the Popish Natives of Ireland to the Establish'd Religion* (1712), gur thiontaigh sé an leabhar urnaithe ‘with the Assistance of others skilful in the Language’ (Ó Casaide 1942: 132).<sup>3277</sup> Le linn don Oir. Mac Risteaird a bheith ag réiteach an leabhair sin, chaith sé roinnt ama i mBaile Átha Cliath, sna blianta 1711 agus 1712, ag iarraidh spéis a mhúscailt ina chuid oibre i gColáiste na Tríonóide;<sup>3278</sup> agus chráigh sé, mar a léirigh McAdoo (1940: 254) Jonathon Swift lena chuid díograise. Is féidir gur chuidigh Séarlas Ó Luinín leis go mór thart faoin am sin. Agus tá dealramh air sin, óir tá inscríbhinn ar an gcóip den leabhar urnaithe seo a bhíodh i gcnuasach Lord St. George (ob.1735) ó Shéarlas é féin a léiríonn gurbh eisean a chuir chuige í. Toisc nár ceapadh Lord St. George ina leasaimiréal ar Chúige Chonnacht go dtí an bhliain 1727, agus go bhfuair sé bás ocht mbliana ina dhiaidh sin, is dócha go mbaineann an cháipéis luachmhar seo le deireadh na tréimhse ina raibh Séarlas gníomhach i mBaile Átha Cliath. Is fiú an litir

<sup>3277</sup> Tá athchló ar an nóta in *Beath*. 1560-1781, 178 col. a.

<sup>3278</sup> Phriontáil McAdoo (1940: 254) trí nóta a scríobh Jonathon Swift ina ‘Journal to Stella’, agus a léiríonn gur thug an tOir. Mac Risteaird cuairt ar an ardchathair, agus ar an gcoláiste, le linn dó a bheith ag réiteach *Leabhar na nOrnaightheadh cComhchoitcheann* (1712). Is dóigh go ndeachaigh sé ann a lorg tacaíochta ó fhoireann an choláiste. Taispeánann an chéad nóta a scríobh Swift, ar an 6 Márta 17<sup>10</sup>/<sub>11</sub>, gur chuir sé an tOir. Mac Risteaird i láthair an Diúc Urmhumhan an lá sin; scríobh Swift mí ina dhiaidh sin, ar an 2 Aibreán 1711: ‘I am plagued with one Richardson, ... and his project of printing Irish bibles’. Déantar trácht ar an Oir. Mac Risteaird arís i litir a scríobh Swift chuig an Ard-Easpag King ar an 10 Aibreán 1711; agus tagraíonn Swift dó arís ar an 14 Márta 17<sup>11</sup>/<sub>12</sub>: ‘I dined in the city and coming back, one parson Richardson, of Ireland, overtook me. He was here last summer on a project of converting the Irish, and printing Bibles, etc., in that language, and is now returned to pursue it on’ (McAdoo 1940: 254). Taispeánann an méid sin go raibh Seon Mac Risteaird ag plé a chuid oibre le lucht an choláiste, rud a thacaíonn beagán leis an smaoineamh gur chuidigh Séarlas Ó Luinín—a bhí ina Ollamh neamhoifigiúil le Gaeilge sa choláiste—leis an t-aistriúchán a réiteach.

a thabhairt arís ina hiomláine, óir is maith an cruthú í go raibh lámh mhór ag Séarlas sa saothar,

To the Rt. Honble George Lord St. George, Baron of Hatly, Vice Admiral of the Province of Conaught. Governour of the Town and County of Galway Governor of the County's of Roscommon and Leitrim; & one of the Lords of his Majesty's most honble privy Council

My Lord

Your Lordships known zeal for the propogation of the protestant Religion as well as for the true interest of your Country hath embloden'd me to comit the following version of the book of Comon prayer into the Irish Tongue to your Lordships patronage. Your Lordships power and Influence in your Country must not only recomend but enjoyn the Use of this piece which (being rendered in the familiar speech) will undoubtedly impress the minds of the literate and more thinking Irish (who esteem nothing more than the Indepen[den]cy of their Language and Singularity of its Type) and Draw them from the darkness of Superstition into the light of the glorious reformation; These being Convinced the Ignorant and poorer sort of the people (blindly biggotted to them as their Teachers) follow of Course And that it may have this Effect is the Constant and Ardent Wish of—

My Lord

your Lordships most humble Obedient and most Devoted  
Servant

Charles Lynegar.<sup>3279</sup>

Leanann dán molta an méid sin, rud a chuir Greene (1945-7: 5-6) i gcló, agus leath de na hocht rann is fiche ann goidte aige ón iarracht a chum sé ar an Dr Hál thart ar fhiche bliain roimhe sin: 'Evidently Lynegar felt', a scríobh Greene (1945-7: 5), 'that his patrons' taste in Irish verse was unlikely to be discriminating'. Sa phlé a rinne Risk (1966) ar an mbaint a bhí ag Séarlas le Coláiste na Tríonóide, phriontáil sí giota fada a scríobh an tOir. Seon Mac Risteaird ina leabhar, *A Short History of the Attempts that have been Made to Convert the Popish Natives of Ireland to the Establish'd Religion* (1712). Duine iontach gníomhach a bhí san Oir. Mac Risteaird,

---

<sup>3279</sup> Mar atá sé in Greene (1945-7: 4). Shroich an chóip seo den leabhar an Leabharlann Náisiúnta le páipéir Shéamuis Uí Chasaide.

agus bhí sé cíocrach aird a tharraingt ar an méid oibre a bhí déanta ag Séarlas faoin am sin,

And the present Arch-Bishop [King] of Dublin did, and doth still encourage Mr Lyniger, to teach it publicly. There is also a small Allowance settled in that House for a few Natives, to which, if more were added by the pious Charity of Persons disposed to encourage this Work, and a constant Salary settled for an Irish lecturer, there might be a sufficient Number of Scholars trained up within a few Years to instruct the Popish Natives in their own Language. And as it is much in the Power of that venerable Society, to do great Service to Religion this way, so the worthy and learned Provost and Fellows thereof, have shewd their good Disposition to do their Parts in promoting this good Work, by contributing liberally towards the Support of said Lyniger, and by giving him the following Certificate, towards procuring him further Encouragement; which I thought fit to insert here, ...

“We, the Provost and Fellows of Trinity College, Dublin, do certifie, That Mr. Charles Lyniger hath, for the Space of Three Years last past, with our Consent and Approbation, taught many of the Students in the said College the Irish language, who have made a considerable Progress therein. And we are humbly of Opinion, That if the said Work were promoted and encouraged, it might prove a Means, by God’s Blessing, to convert the Irish Natives, and bring them over to the Establish’d Church.

Nov. 1st 1711

Benjamin Pratt Praep.  
John Hall  
Richard Baldwin  
Claud Gilbert

Nicholas Forster  
John Elmwood  
Thomas Coningsby  
Matthew French.”<sup>3280</sup>

Mar a scríobh Risk (1966: 18) cheana, is ionann an John Hall a shínigh an teastas sin, agus an té dár scríobh Séarlas lámhscríbhinn chailte na bliana 1709. Ar an ábhar go bhfuil sé ar taifead sa choláiste nár díoladh ach £10 leis sa bhliain 1711 ar son an Ghaeilge a theagasc, agus £5 sa bhliain 1712 (Harrison 1988: 29), tá cuid mhaith den fhírinne i gcaint Risk (1966: 10): ‘The liberality of the Provost and Fellows was either temporary or overrated ...’ Am éigin i rith na bliana 1712, is dóigh, bhí Séarlas

<sup>3280</sup> Féach Risk (1966: 17-18). Tá cuid mhaith den ábhar sin i gcló in *Beath.* 1560-1781, 153 col. a – 153 col. b, agus an teastas amháin in Williams (1988: 114).

ag obair, in Ard Uí Luinín féin,<sup>3281</sup> ar chnuasach ginealach atá scríofa amach aige in ARÉ 23E18 (997), agus é ag tarraingt, más fíor, ar lámhscríbhinní a ghráf a mhuintir féin: ‘Sir Matha L. booce’—lámhscríbhinní le Matha Ó Luinín (*fl.*1671), Ard-Ollamh Éireann, ar a dtugtar Sir Matthew Lynegar áiteacha eile; cibé duine dar shloinne Ó Luinín a bhí ina Ard-Ollamh Éireann sa bhliain 1621; lámhscríbhinn chaillte le Matha Ó Luinín mac Bhriain mhic Cormaic Óig dar dháta 1470; agus saothar eile le Giolla Phádraig Ballach Ó Luinín (*fl.*1631-54) fosta, a bhí ag athnuachan na seanghinealach sa bhliain 1641.<sup>3282</sup> *Palimpsest* atá sa lámhscríbhinn, seanlámhscríbhinn mheamraim ar ghlan sé í lena chuid oibre féin a scríobh isteach inti. Níor fágadh slán ach cúpla ceannlitir ornáideach agus corrléathanach den ábhar leighis a céadscríobhadh inti. Bhí leabhair ar iasacht aige ó leabharlann an Choláiste thart faoin am sin (Harrison 1988: 29).

Ba mhinic a chuireadh sé na dánta molta seo chuig baill den uasalaicme úr, agus b’fhéidir nach iontas é gur tharraing sé fuath scoláire Gaeilge éigin air—Aodh Ó Dálaigh (*fl.*1721-72) nó Seán Ó Neachtain (*ob.*1729), b’fhéidir—óir ceapadh aoir fhíochmhar air sa bhliain 1712,<sup>3283</sup> *A uaisle Éireann, searc mo choim*. Leag Aodh Ó Dálaigh an dán air féin ina chuid lámhscríbhinní.<sup>3284</sup> Dar le Risk (1966: 20), is é is

<sup>3281</sup> Tugann sé an log ‘a nArd Uí Luinín’ in ARÉ 23E18 (997), lch 2 col. 2.

<sup>3282</sup> Ní heol dom go bhfuil ceann ar bith de na lámhscríbhinní sin againn. Déantar tagairt dóibh in ARÉ 23E18 (997), lgh 1, 16, 19, 37 col. 2, 140 (?), 154, 178, agus tá na nótaí sin i gcló san *R.I.A. Cat.*, 2844-7. Is féidir a thaispeáint gur dhaoine fíre cuid de na scoláirí sin.

<sup>3283</sup> Féach cóip Risteaird Tuibear in ARÉ 23L32 (111), lch 27.

<sup>3284</sup> Tá an dán in eagar in Risk (1966), agus dúil ag an té a scríobh go bhfeicfí na lonta ‘ag déanamh féasta ar Ó Luinín’, ach is mó a dhírítear ar a chumas mar scoláire ná aon rud eile, agus na ginealaigh a chuireadh sé le chéile. Is fiú a lua go bhfuil dhá cheann—CT H.1.14 (1288), f. 174b; agus ARÉ 23D16 (506), lch 149—de na trí chóip atá ar eolas agam i láimh Aodha Uí Dhálaigh é féin, agus go ndeir sé i gceann acu, CT H.1.14 (1288), gurbh eisean a chum. Níl d’eolas againn leis an dán a cheangal le Seán Ó Neachtain ach gur scríobh fear catalóige ar ARÉ 23D16 (506) sa 19ú hAois gurbh é Seán é féin an t-údar. Agus bhí údar maith ag Aodh Ó Dálaigh an nimh san fheoil a bheith aige do Shéarlas—bhí an bheirt acu fostaithe ag scoláirí ó Choláiste na Tríonóide thart ar an am céanna. Téann sé le dea-chéill go mbeadh an bheirt acu in iomaíocht lena chéile, óir bhí an obair chéanna ar siúl acu: soláthar na nginealach do phátrúin uaisle (nó murar de na huaisle iad, níorbh fhada go mbeidís uasal i ndiaidh do Shéarlas a nginealas a ríomhadh, de réir údar an dáin thuas). Féach go raibh Aodh Ó Dálaigh ag cur ginealach le chéile thart faoin am sin (nóta 60 thuas), agus go raibh sé



dóichí gurbh é Seán Ó Neachtain a scríobh an píosa seo, ach is ar éigean a déarfadh Seán nár mhiste *míle bladhd* a dhéanamh de cheann an té faoinar scríobh a mhac Tadhg na línte seo a leanas,

Os Uladh ling Ó Luinín lonn,  
Cathal do cheapach craobh gan chumann,  
An Aiche mhórdha, truagh an dáil,  
& do bhá ó cheart san chómhhdháil.<sup>3285</sup>

Tá an téacs seo giota beag doiléir, ach ní hionann é agus caint an té a bhí ag súil le *loghair dearg* a dhéanamh de Shéarlas. Agus é ag scríobh c.1725, d'fhág Tadhg Ó Neachtain againn in ARÉ 24P41 (b) (1404) ginealach Phádraig Pleimeann ó Bhaile Átha Cliath 'do reir Cathail Ui Loinín'.<sup>3286</sup> Ní fios cé acu a chóipeáil sé é ó lámhscríbhinn de chuid Shéarlais, nó go raibh an bheirt acu i dteagmháil lena chéile faoin am sin. Cibé rud é, taispeánann sé sin go raibh meas éigin ag Tadhg Ó Neachtain air. Dá dtuigfí ó chuid de na línte san aoir sin, *A uaisle Éireann, searc mo choim*, gur thréig Séarlas a chreideamh ar shaibhreas an tsaoil, sa dóigh gur bhéas dó a bheith 'ag mola Gall 'na ccomhól', agus ginealach fir uasail a scríobh do dhuine ar bith a thabharfadh duais dó; ba bheag de mhaoin an tsaoil a bhí aige dáiríre. Thaispeáin Risk (1966: 18-19) gur chuir Séarlas achainí chuig an Rialtas go dtabharfaí liúntas éigin dó, agus scríobh an tArd-Easpag King chuig William Connolly, Spéicéir na Parlaiminte, an 16 Feabhra 1715, á mhíniú dó go raibh Séarlas tar éis léamh na Gaeilge a theagasc do 45 mhac léinn diagachta, sa dóigh go mbeidís in ann freastal ar an bpobal dúchais. Tagraíonn sé go speisialta do 'the pains Linegar took in the College' lena chuid oibre a chur i gcrích, agus dá bhoichte a bhí sé faoin am sin,

---

ag grafadh lámhscríbhinne do mhac le Proinsias Slabhraidh (.i. Francis Cheney a oileadh sa choláiste) sa bhliain 1727. Scríobh sé leabhair do Paris Anderson agus don Dr Francis Stoughton Sullivan fosta.

<sup>3285</sup> O'Rahilly (1913a: 159); Harrison (1988: 136).

<sup>3286</sup> ARÉ 24P41 (b) (1404), lch 141. Féach fosta Harrison (1988: 47-8).

He is very poor; and I hope the committee, before which his petition lies, will have some compassion on him. I have not been wanting to give him what assistance I could out of my own pocket.<sup>3287</sup>

Má ba é a chumas ginealaigh a ríomhadh, seachas an t-iompú creidimh a rinne Séarlas, ab ábhar leis an deargfhuath a bhí ag údar na haoire sin air, bhí ábhar maith eile ag an údar, murarbh eol dó é, a bheith ag caitheamh anuas ar Shéarlas, más ceart d'Ó Buachalla (1996: 689 *n.31*): luaitear i rollaí pá na Rúnseirbhíse go raibh Charles Linegar éigin ag fáil díolaíocht uathu sa bhliain 1719. B'fhéidir gur mar gheall ar na dánta seachmallacha místuama seo a leag duine *A Risteārd mhuirnidh na ccreach*,<sup>3288</sup> dán ar Richard Cox (1650-1733), tacaí—agus gníomhaí—leis na Péindlíthe, ar 'C[h]ormac an Chúil mac Mhathabhain Ui Luinín .i. ard-ollamh Éireann'.<sup>3289</sup> In Bilbao, tá ginealach eile ar coimeád a scríobh Séarlas i mBaile Átha Cliath ar an 15 Iúil 1727,<sup>3290</sup> rud a thug sé do Dominic Kelly áirithe ó Cho. na Gaillimhe a bhí ina inimirceach sa Spáinn an uair sin. Tá an chuma ar an scéal gur Chaitliceach é Dominic Kelly. Is dóigh le Simms (1998: 266) go scríobhadh Séarlas na ginealaigh bheaga seo le cur leis na 'starvation wages' a d'fhaigheadh sé ó cibé duine sa choláiste a bhí toilteanach díolaíocht éigin a thabhairt dó ar son a shaothair, ach níor leor é.

Le linn d'Ó Conchubhair (1943-4: 154) agus do Carroll (1953: 42) a bheith ag léamh trí sheanuimhreacha den *Dublin Gazette*, tháinig siad go neamhspleách ar a chéile ar

---

<sup>3287</sup> Risk (1966: 18-19).

<sup>3288</sup> Tá an dán seo in eagar ag O'Sullivan (1943-4), a mheas gur dán molta dáiríre é, ach is soiléir, mar a scríobh Ó Cuív (1945-7: 137) agus Killeen (1982-3), gur aoir mhagúil ar Cox, b'fhéidir, nó, mar a shíl Ó Buachalla (1996: 689 *n.31*), ar Shéarlas é féin, a bhí ann.

<sup>3289</sup> Tá an dán ar caomhnú sna *Clonalis Papers*, Teach Chluain Mhalais, 8.X.LO.014. An chóip de atá ann, tá sí i lámh Chathail Uí Chonchubhair (1710-1791), agus tuairimíodh i nóta eagarthóra a cuireadh le Greene (1945-7: 7 *n.1*) gurbh é rud a bhí i gceist sa teideal gur scríobh Cormac an Chúil mac *Mhatha Bháin* Uí Luinín an dán, ach is féidir go raibh mac *Mhathghamhain* [*recte* mac *Mhathghamhna*] i gceist ag an scríobhaí anseo fosta. Bheadh claonadh agam, áfach, taobhú le leagan an eagarthóra, óir bhí an céadainm sin, Matha, thar a bheith coitianta i measc mhuintir Luinín.

<sup>3290</sup> Féach Fannin (2011: 179). Tá an ginealach sin ar coimeád, taobh le páipéir eile, san Archivo de la Diputación Foral de Bizkaia.

a ainm i liosta feichiúnaithe don tréimhse 1729-1730 san *Dublin Gazette*, an 19 Nollaig 1730, ‘Captain Charles Linegar of the Colledge of Dublin, Professor of the Irish Language’,<sup>3291</sup> agus ar thagairtí eile dó a bheith i Marshalsea Bhaile Átha Cliath mar gheall ar fhiacha sa bhliain 1731. Is dóigh go raibh sé ann le fada an lá, nó gur chaith sé seal san áit chéanna roimhe sin, óir tá achainí gan dáta a scríobh Séarlas chuig an Ard-Easpag King i gcló ag Risk (1966: 19). D’éag an tArd-Easpag King i mí na Bealtaine 1729, agus caithfidh sé gur scríobhadh an litir roimh an dáta sin, nó sular chuala Séarlas tuairisc a bháis,

That yr suppliant being under close confinement in ye City Marshalsea these six monthes past for the debt of another of five pounds principall is thereby and sickness reduced to the last degree of misery, and therefore about a month agoe I presumed to address yr Lordship for your usual Munificence, But was by yr Lordships order as I humbly apprehended postpond to this . . . . orable ffestival.

Más mar Ollamh le Gaeilge a dhéantar cur síos ar Shéarlas Ó Luínín san *Dublin Gazette*, ní heol dom go raibh post aige sa choláiste tar éis na bliana 1730.

Dhealródh sé go raibh sé fós ag obair ar ghinealaigh go dtí deireadh a shaoil, óir bhí teacht ag William Williams ó Dhún Garbhán, Co. Phort Láirge, sa bhliain 1867 ar cheann acu seo a scríobh Séarlas ar mheamram do Bhrian Óg Mag Uidhir (Bernard Maguire) ar an 8 Bealtaine 1731.<sup>3292</sup> ‘Charles Lynegar, Chiefe King at Armes of

---

<sup>3291</sup> Féach Ó Conchubhair (1943-4: 154) nó Carroll (1953: 42).

<sup>3292</sup> Is í LN G709 cóip William Williams, ní a scríobhadh ón tseanchairt a bhí i seilbh Edward Samuel Maguire, Clonea House, Co. Phort Láirge, an uair sin (mí Lúnasa 1867). Ó thaobh iontaofacht na cóipe, féach nóta William Williams ar lch 25: ‘Antiquum, ex quo hoc, documentum vello scriptum habet nunc Samuel Edvardus Maguire armiger, de Clonea in comitatu Waterfordensi. Hoc, in quo aliqui in illo errores correcti sunt. transcriptum est apud Dungarvan in antedicto comitatu, ... August ... 1867’, *N.L.I. Cat.*, xiii, 31.

Is aisteach an ní é, ach rinne Séarlas dhá chóip ar leith den ghinealach seo, is dóigh, óir ceaptar gur thug Bernard Maguire leagan éigin den ghinealach céanna leis thar sáile, agus gur dódh é sa Fhrainc sa bhliain 1944. D’fhág Edouard de Laplane (1774-1870)—a bhí pósta le garínón le Bernard Maguire, Bénédicte Maguire—cuntas againn ar an teastas a thug Séarlas Ó Luínín do Bernard Maguire. Ó tharla go bhfaca William Williams an ginealach in Éirinn sa bhliain 1867, nuair a chóipeáil sé é (LN G709), agus gur cailleadh Edouard de Laplane sa bhliain 1870, is doiligh a chreidiúint go raibh an bheirt sin ag déanamh cur síos ar an gcóip chéanna. Chuir Chauvet (1964: 222), fionn-dubhó le

Ulster and of the Kingdome of Irelande’ a thugann sé air féin arís.<sup>3293</sup> Fágann sin go raibh sé fós ag obair faoin am sin. Déantar tagairtí eile do ghinealaigh a tharraing Séarlas idir an bhliain sin agus 1738 i bhfoilseacháin éagsúla eile. Bhí ginealach amháin idir lámha ag J. H. Archer O’Brien sa bhliain 1885, mar shampla, a scríobh Séarlas Ó Luinín ar an 17 Iúil 1731 ‘who therein states that “his ancestors were successively Chief Antiquarians of the Kingdom of Ireland”’ (Archer O’Brien 1885: 96 col. b).<sup>3294</sup> Chuala taighdeoir anaithnid eile trácht, sa bhliain 1876, ar ghinealach a scríobh Séarlas Ó Luinín do Joseph Nuttall, Ardmhéara Bhaile Átha Cliath 1731-1732, thart faoin am sin;<sup>3295</sup> agus tagraíonn O’Hart (1892: 435-6n.) do ghinealach a scríobh Séarlas Ó Luinín, ‘then King-at-Arms’, ar an 6 Iúil 1738, rud a bhí sínithe ag William Walker, Ardmhéara Bhaile Átha Cliath.<sup>3296</sup> Is doiligh a bheith suite de, ós rud é nach fios dúinn cá bhfuil na ginealaigh sin, go bhfuil na dátaí seo uilig ceart, ach is dóigh go raibh Séarlas Ó Luinín ina bheatha chomh mall leis an 6 Iúil 1738.

---

Bernard Maguire, cuid de chuntas a shin-sin-seanathar, Edouard de Laplane, chuig eagarthóir an *Clogher Record*,

According to an authentic genealogy which I have under my eyes, delivered at Dublin, on May 8, 1731, by the chief herald of Ireland, Charles Lynegar, and intimated to the farmers in charge of the town-dues of Saint Omer ..., it appears that the worthy Bernard Maguire was a son of Bryan Maguire, who was descended in a direct line from Thomas Maguire surnamed the Great, lord of Fermanagh and prince of Erne.

Tugann Mac Lochlainn & Murphy (1954)—féach an ceartúchán in Anon. (1955)—agus Simms (1998: 278 n.5) cúpla tagairt eile do pháipéir i láimh Shéarlais Uí Luinín sa Genealogical Office, srl.

<sup>3293</sup> De réir chóip Williams, LN G709, lch 5—agus tá leagan Laidine den pháipéir seo ar lch 4.

<sup>3294</sup> Bhí tuairim ag Archer O’Brien (1885: 96 col. b) gur dheartháir le John Lynegar, Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath, 1734-1756, é Séarlas, ach is dóigh nach bhfuil i gceist ansin ach tuairim.

<sup>3295</sup> Féach Anon. (1876: 308 col. b).

<sup>3296</sup> Tugtar an t-eolas sin i bhfonóta in O’Hart (1892: 435-6n.),

Thomas O’Conor: There is in the possession of the family of the late Mr. O’Conor Eccles an old pedigree written on parchment, partly in Irish, and partly in English; dated 6th July 1738; signed and sealed by Charles Lynegar, then King-at-Arms, and by William Walker, the Lord Mayor of Dublin at that date. The pedigree traces from the earliest times the genealogy of Thomas O’Conor, Knight of St. Louis, and General in the service of the King of France.

Ba le Alexander O’Conor Eccles (*ob.*1877) an ginealach, agus d’fhág sé ag a mhuintir é ina dhiaidh sin.



**Ollscoil  
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

# **SCRÍOBHAI THE GAEILGE AN TUAISCIRT, 1650-1900: BEATHAISNÉISÍ**

**Ceithre Imleabhar:**

**Imleabhar a Ceathair**

**Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad**

**don chéim dochtúireachta ag**

**Fintan Brian Keegan**

**Roinn na Nua-Ghaeilge**

**Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta**

**Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire**

**Lúnasa 2019**

**Ollamh na Nua-Ghaeilge: An tOll. Fionntán de Brún**

**Stiúrthóirí: An tOll. Ruairí Ó hUiginn agus an Dr Brian Ó Catháin**

**ARÉ 23L7 (104).** ‘Lá Luain, Lá an Bhrátha’, búrdúin agus dánfhocail, dán Donatus ar Éirinn, ‘Eachtra na gCuradh’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Na Críocha Déanacha’, dánta le Séamus Mac Cuarta, Tadhg Ó Ruairc, Peadar Ó Doirnín, Diarmaid Ruadh Ó Muireadhaigh, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, [Pádraig Mac a Liondain, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Art Mac Cumhaigh], laoi fiannaíochta, ‘Pléaráca na Ruarcach’, aistriúchán Swift ar ‘Pléaráca na Ruarcach’, amhráin ghrá. **1782:**—Achadh Lon, Achadh Bheithe, Fear Manach; **1783:**—Littlemount,<sup>3297</sup> Achadh Bheithe, Fear Manach 1782-3.<sup>3298</sup>

<sup>3297</sup> Níl leagan Gaeilge den logainm sin ar fáil, ná ní fios dom gur logainm Gaeilge a bhí ann ó bhunús ar chor ar bith.

<sup>3298</sup> Lámhscríbhinn thar a bheith uathúil atá sa cheann seo, ar an gcéad amharc, óir tá an chuma uirthi, de réir na gcolafon, gur grafadh í i gCo. Fhear Manach, agus tá dánta le beirt fhilí móra de chuid Oiriaila inti—is é sin, le Séamus Mac Cuarta agus le Peadar Ó Doirnín—dánta nach bhfuil i lámhscríbhinn ar bith eile ón gcontae seo, go bhfios dom. Luaitear dhá log agus dhá dháta in ARÉ 23L7 (104): (1) ‘Littlem<sup>l</sup>’ ar an 15 Bealtaine 1783 (lch 229); agus (2) ‘B: Boro’e’ i gcolafon a cuireadh leis an lámhscríbhinn an 17 Márta 1782 (lch 254). Ar an dara hamharc, is soiléir, áfach, nár grafadh an lámhscríbhinn seo in aon bhabhta amháin, cosúil le lámhscríbhinn eile ó pheann an scríobhaí seo. Chaith Síomón a dhúthracht le lgh 5-228, 231-50, atá scríofa i láimh chlaonta ar gcúl, amanna, agus thar a bheith néata. Seo an chuid ina bhfuil dánta na beirte filí sin de chuid Oiriaila, agus níl colafon leis an méid seo ar chor ar bith. Ar lgh 1-4, tá cuid den dán ‘Lá Luain, Lá an Bhrátha’ scríofa go garbh i bpeannaireacht sho-aitheanta Shíomóin Uí Mhacaoín, agus nóta fáin agus rainn ar lgh 3-4. Tosaíonn an lámhscríbhinn i gceart ar lch 5 le cóip aiceifileach de ‘Eachtra na gCuradh’, ní atá scríofa go néata, sa dóigh gur cosúla an script anseo go mór léi siúd atá le feiceáil sna hiarrachtaí is sine atá againn ó láimh Shíomóin Uí Mhacaoín. Is fiú féachaint ar na duilleoga ar a dtugtar na dátaí a luadh thuas:

**(1) lch 229, ‘Littlemount’, an 15 Márta 1783.** Ní ceist dúinn gur scríobh Síomón Ó Macaoín lgh 229-30, ach tá an pheannaireacht i bhfad níos gairbhe anois, agus gan chlaonadh dá laghad. Is lú beagán toirt na duilleoige seo (= lgh 229-30), agus, murab ionann agus na leathanaigh eile thart uirthi, níor cuireadh riail leis an duilleog seo fosta. Tosaíonn an dán ‘Pléaráca na Ruarcach’ ar lch 228 i láimh néata an scríobhaí, tugtar cúpla dánfhocal ar lch 229 sa script gharbh, agus tá lch 230 bán. Ar lch 231, tugtar aistriúchán Béarla Swift ar an méid den dán atá ar lch 228, agus tá an leagan Gaeilge agus an t-aistriúchán os comhair a chéile ar lgh 232-5. Rinneadh cúpla ceartúchán ar an gcuid eile den lámhscríbhinn sa láimh gharbh seo. Is é rud a thuigim féin ón méid seo, nár cheart do lgh 229-30 a bheith sa chuid seo den lámhscríbhinn sa chéad áit, agus gur ceanglaíodh iad isteach sa lámhscríbhinn ar ábhar éigin nach fios dom, agus san áit chontráilte.

**(2) lch 254, ‘B: Boro’e’, an 17 Feabhra 1782.** Scríobh Síomón lgh 231-50 go néata, ach athraíonn an script arís ar lch 251, ag tús an chéad dán eile. Ag lch 254, tugtar an dáta agus an log thuas, agus tosaíonn an dán ‘Lá Luain, Lá an Bhráthaigh’ ar lch 255. Murab ionann agus lgh 229-30, cuireadh riail leis na leathanaigh seo. Stopann an dán go grad ag bun lch 258, an leathanach deiridh sa lámhscríbhinn, áit a bhfuil nóta ó láimh Shíomóin Uí Mhacaoín a threoraíonn muid i dtreo lch 1, áit a dtugtar an chuid eile den dán.

Is dóigh gurb é rud a tharla gur fhág Síomón Ó Macaoín ceithre leathanach bán i dtús na lámhscríbhinne, ar fhaitíos go dtiocfadh sé ar an méid de ‘Eachtra na gCuradh’ (lch 5) a bhí in

**LPBF 35.** ‘An Teagasg Críostaidhe de Réir Ceasta agus Freagra’, dán le Bonabhentura Ó hEodhasa, nótaí gramadaí, logainmneacha, sleachta as graiméar Vallancey. **1781:**—Droichead Átha; **1788:**—Whitepark,<sup>3299</sup> Achadh Lon, Achadh Bheithe, Fear Manach 1781, 1788.

**LN G702(35).** Amhrán. Lios na Scéithe, Achadh Lurchair, Fear Manach. [? Do *Roibeard Mac Ádhaimh*].<sup>3300</sup>

**OS 17.**<sup>3301</sup> ‘An Scáthán Spioradálta’, ‘Fís Mherlínó’ (Gaeilge agus aistriúchán Béarla), noda agus giorrúcháin, dán le Bonabhentura Ó hEodhasa, ‘Banais Belphegor’. **1779:**—Mullach an Rátha, An Mhí; **1780:**—\*Cill Fhoibhrigh [Killary], An Mhí 1779-80.<sup>3302</sup>

Cuireadh cuntas thar a bheith mionsonraithe ar shaothar lámhscríofa an mháistir scoile seo i bprionta in Ó Mórdha (1959), agus bailíodh le chéile tuilleadh eolais faoi in Mac Annaidh (1993; 1995; 2009). Tá staidéar neamhfhoilsithe ar a shaothar in Ó Baoill (1992), agus plé ar ‘Banais Belphegor’ in Hollo (2008).

---

easnamh san eiseamláir, agus gur breiseanna an t-ábhar a thugtar (1) ar lgh 229-30, a scríobhadh sa bhliain 1783; agus (2) ar lgh 251-8, 1-3, a scríobhadh sa bhliain 1782 den chuid is mó. Scríobhadh nóta ar lch 3 sa bhliain 1789. Fágann sé sin nach féidir dáta a lua le príomhchuid na lámhscríbhinne (lgh 5-228, 231-50); agus ó tharla go bhfuil cuid mhaith ábhair inti a bhaineann le hOiriaila agus leis an Mí, agus gur néata i bhfad an pheannaireacht sa phríomhchuid, is dóigh gur grafadh í nuair a bhí Síomón Ó Macaoín ina chónaí i gCo. na Mí idir 1779 agus 1781.

<sup>3299</sup> Mionainm [? stairiúil] atá i gceist anseo, agus níl leagan Gaeilge de ar fáil.

<sup>3300</sup> Is é rud atá in LN G702, sraith litreacha agus páipéir eile de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh, páipéir a bhí i gceist leabhar Thomas F. O’Rahilly lá den saol. Ar an ábhar sin, agus ó tharla go raibh Roibeard Mac Ádhaimh ag cur spéis sa Ghaeilge chomh fada siar leis an mbliain 1828, is féidir gur scríobh Síomón Ó Macaoín LN G702(35) dó am éigin idir 1828 agus 1836.

<sup>3301</sup> Lámhscríbhinn 2 i liosta Curtis (1934).

<sup>3302</sup> Deir sé ar lch 88, agus san áit sin amháin, go raibh sé ag scríobh i \*gCill Fhoibhrigh [Killary] (‘Cill Abharraoí’) ar an 5 Nollaig 17<sup>79</sup>/<sub>80</sub>. Is doiligh meabhair a bhaint as an dáta seo, óir bhí an stíl úr dátaithe i réim faoin am sin, agus is soiléir nár thuig Síomón an seanchóras. Glacaim leis go raibh 1780 i gceist aige, ach tugann sé mí na Samhna 1779 mar dháta cúpla scór leathanach roimhe seo. [Níl leagan deimhnithe d’ainm an pharóiste seo ar fáil i nGaeilge, ach téim lenar mhol an Brainse Logainmneacha le déanaí, \*Cill Fhoibhrigh].

Meastar gur rugadh Síomón Ó Macaoín timpeall na bliana 1760 i gCeanannas, Co. na Mí.<sup>3303</sup> An chéad uair a chasann muid leis, i mí na Samhna 1779, is i gCnoc an Rátha in oirthear Cho. na Mí atá sé i mbun pinn ar OS 17, baile fearainn atá suite cúpla míle taobh ó thuaidh de Dhroichead Átha; agus bhí sé thiar i \*gCill Fhoibhrigh [Killary] an mhí dár gcionn, paróiste i mbarúntacht Bhaile Shláine Íocht., atá suite sa dúiche ina raibh dornán scoláirí ag saothrú thart faoin am sin. Níor críochnaíodh an lámhscríbhinn seo riamh, ina bhfuil cóip neamhiomlán—agus an t-aon chóip atá ann—d’aistriúchán ar shaothar Machiavelli faoin teideal ‘Banais Belphegor’; agus is é tuairim Uí Mhórdha (1959) agus Hollo (2008) gurbh é Síomón a thiontaigh go Gaeilge é. D’fhéadfadh sé gur scríobh Síomón formhór ARÉ 23L7 (104) sular imigh sé leis go Co. Fhear Manach.<sup>3304</sup> Chuir sé cuid de LBPf 35 i gcrích i nDroichead Átha ar an 22 Feabhra 1781, agus bhí sé ag cóipeáil dánta arís in ARÉ 23L7 (104) in Achadh Lon i bparóiste Achadh Bheithe, Co. Fhear Manach, ar an 17 Márta 1782.<sup>3305</sup> Chuir Síomón dhá leathanach leis an lámhscríbhinn in Littlemount, baile fearainn sa pharóiste céanna, ar an 15 Bealtaine 1783.<sup>3306</sup> Ní chluintear trácht air arís go dtí an bhliain 1788, nuair a bhí sleachta as graiméar Vallancey á gcóipeáil aige in Whitepark idir an 16 Meán Fómhair 1788 agus an 6 Samhain 1788.<sup>3307</sup> Sin an méid eolais a thugann a chuid lámhscríbhinní dúinn.

D’oscail sé a chéad scoil i gCo. Fhear Manach go gairid i ndiaidh dó dul chuig an gcontae sin, chomh luath leis an mbliain 1789 nuair a d’fhág Síomón nóta againn gur

---

<sup>3303</sup> Féach tuairisc a bháis, a priontáladh ar an *Erne Packet*, an 4 Feabhra 1836. Tugtar í ag deireadh an chuntais seo.

<sup>3304</sup> Féach nóta 3298.

<sup>3305</sup> ARÉ 23L7 (104), lch 254; Ó Mórdha (1959: 434).

<sup>3306</sup> ARÉ 23L7 (104), lch 229.

<sup>3307</sup> LBPf 35, lgh 109, 180. Bhronn Somhairle Briósáin (*q.v.*) an lámhscríbhinn ar an Belfast Natural History and Philosophical Society; féach nóta 878. Ní fios an raibh an ceart ag Maidlín Ní Dhíomsaigh nuair a scríobh sí, ina catalóg neamhfhoilsithe (1918) de lámhscríbhinní na Leabharlainne Poiblí, Béal Feirste, go raibh Síomón agus Somhairle Briósáin mór lena chéile—féach an tagairt a dhéantar dá catalóg in Ó Mórdha (1959: 437), a bhí ar aon tuairim liom féin.



fhill Gulielmus Cranston ar a scoil tar éis dó a aghaidh a dhó le púdar.<sup>3308</sup> D'imigh Síomón leis go hInis Ceithleann le scoil nua a oscailt ann sa bhliain 1818, mar a fógraíodh ar an *Erne Packet* ar an 29 Deireadh Fómhair 1818. Meánscoil a bhí ann, le mic léinn a ullmhú don choláiste, agus d'aimsigh Mac Annaidh (1995: 20 col. b – 21 col. b) tagairtí do sheisear mac léinn dá chuid ar cuireadh a n-ainmneacha le rollaí Choláiste na Trionóide idir na blianta 1792 agus 1828. Ní i gcoláiste Bhaile Átha Cliath amháin a bhí iardhailt le Síomón, más fíor don fhógra sin a foilsíodh ar an *Erne Packet*,

Simon Macken intends to open a school in Enniskillen on November 2nd, 1818, when young gentlemen will be expeditiously prepared for College and other departments.

The course of instruction will comprehend the Latin, Greek and French languages: Geography and knowledge of the Globes: History, Elocution, etc. Those who wish for a knowledge of the Hiberno-Celtic will be taught a knowledge of that ancient and expressive language.

English Grammar, Reading, Writing and Book-keeping by a person under Mr. Macken's own supervision.

For character and abilities Mr. Macken can give the most satisfactory references to several Fellows of Trinity College, whose sons, instructed under his care, have obtained distinguished honours in the universities of Dublin and Edinburgh.

Terms: The same as Portora for day scholars. No Summer Vacation!<sup>3309</sup>

Nuair a cuireadh *Tuarascáil* 1824 le chéile,<sup>3310</sup> bhí Síomón ag fáil tuarastail ar sheacht nó arbh ocht mó é ná ioncam an ghnáthmhúinteora—idir £70 agus £80 in aghaidh na bliana—léiriú ar an dea-cháil a bhí air, agus ar a chuid scileanna múinteoireachta. '... [A] pretty stiff fee', ab ábhar leis, mar a scríobh Ó Mórdha (1959: 435), ó tharla nach raibh ach isteach is amach le dáréag mac léinn aige an uair

---

<sup>3308</sup> ARÉ 23L7 (104), lch 3.

<sup>3309</sup> Mac Doinnléibhe (1963: 99-100), sliocht as an *Erne Packet*, 29 Deireadh Fómhair 1818. Meánscoil eile mór le rá a bhí in Portora.

Níor foilsíodh *Tuarascáil* 1824 go dtí an bhliain 1826, agus is ar an ábhar sin a deir Mac Annaidh (1993: 4 col. a) go raibh Síomón ag múineadh scoile in Inis Ceithleann chomh mall leis an mbliain 1826.

<sup>3310</sup> Tá faisnéis na tuarascála luachmhaire seo i gcló in Mac Doinnléibhe (1963: 118).

sin, ach lean sé air ag teagasc suas go dtí c.1834; d'fhógair William Campbell ar an *Erne Packet* an 24 Aibreán 1834 go raibh sé le scoil a oscailt sa teach 'lately occupied by Mr. Macken' (Mac Annaidh 1993: 7 col. a). D'fhill Síomón ar a bhaile dúchais, Ceanannas, Co. na Mí, agus fuair sé bás ann an 2 Feabhra 1836, mar a fógraíodh ar an *Erne Packet* dhá lá ina dhiaidh sin,

On Tuesday last, after a tedious illness, at Kells, his native town, where [he] had gone to seek recovery of his health; Mr. Simon Macken, a man of extensive erudition and long a distinguished classical teacher in this neighbourhood.<sup>3311</sup>

Is dóigh le Mac Annaidh (1993: 7 col. b) gur féidir gur chaith Síomón na míonna deiridh dá shaol ag cur faoi le teaghlach Michael Macken ó Ceanannas, Co. na Mí. Cláraíodh a thiomna sa bhliain 1837,<sup>3312</sup> ach scriosadh é i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí sa bhliain 1922. Níl pioc eolais ar fáil i dtaobh a shinsear, ná ní heol dúinn gur phós sé riamh. Mheas Maguire (1960-1) go bhféadfadh sé gur dheartháir é Síomón le Richard Macken (c.1758-1826), ceannaí a bhí suite in Achadh Lon faoin am ar chláraigh sé é féin ar na *Catholic Qualification Rolls* sa bhliain 1795 (Maguire 1960-1: 95). Dúradh ar an *Erne Packet* go raibh cónaí ar Richard Macken in Achadh Lon le breis agus daichead bliain nuair a fuair sé bás sa bhliain 1826. Thug Mac Annaidh (1993: 4 col. b) faoi deara gur dhíol Simon Macken agus Richard Macken éigin giní an duine acu nuair a goideadh cuid d'airnéis tí John Armstrong sa bhliain 1809; agus tá tuairim aige, toisc go dtugtar ainmneacha na beirte seo i ndiaidh a chéile ar an liosta, nach bhfuil in ord aibítire, gur féidir go raibh páirt acu lena chéile. Rugadh ceathrar mac do Richard Macken agus a bhean, Catherine Dugan: John Macken (c.1785-1823), eagarthóir an *Erne Packet*, agus an file a scríobhadh faoin ainm cleite

<sup>3311</sup> *Erne Packet*, an 4 Feabhra 1836. Féach Mac Annaidh (1993: 7 col. b).

<sup>3312</sup> Tugtar tagairt don tiomna, '[Macken]. Simon. Kells, Co. Meath. 1837', san *Index to Wills and Administrations*, 1811-57. I gclár eile de chuid Shean-Oifig na dTaifead Poiblí, déantar tagairt eile do thiomna Shíomóin Uí Mhacaoin, 'Macken. Simon. Kells, County Meath. Gent<sup>d</sup>. [1837]. 232P'.

‘Ismael Fitzadams’; Patrick Macken (c.1788-1810), scoláire de chuid Choláiste na Trionóide a fuair bás go gairid tar éis dó a chéim a fháil; mac eile nach fios dom a ainm; agus ba é Thomas Macken (fl.1819-24) an ceathrú mac, an té a ndearnadh ball d’Óstaí an Rí de sa bhliain 1824. Bhí iníon acu fosta: Catherine Macken (c.1795-1810).<sup>3313</sup> Tá sé ar taifead gur dhalta i scoil ‘Mr. Mackin’ é Patrick Macken sular thosaigh sé a fhreastal ar Choláiste na Trionóide in 1804 in aois a 16 bliana (Mac Annaidh 1995: 21 col. a). Is aisteach le Mac Annaidh (1993: 6 col. b) gur fógraíodh ar an bpáipéar céanna básanna daoine eile dar shloinne Macken ó Ceanannas, Co. na Mí: Michael Macken (ob.1833), a iníon Jane Macken (ob.1827), agus a mhac John Macken (c.1806-1832). Dá bharr sin, is é tuairim Mhic Annaidh (1993: 5 col. b, 8 col. b), nuair a chuirtear san áireamh gur rugadh agus gur cailleadh Síomón i gCeanannas, gur dheartháireacha iad an triúr acu, Síomón Ó Macaoín (ob.1836), Richard Macken (c.1758-1826), agus Michael Macken (ob.1833).

## 2.191. Peadar Ó Maoil Chéile, fl.1793

**OÉG H9.** Formhór di.<sup>3314</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta, Niall Óg Mac

Murchaidh, [Tomás Ó Bacacháin], Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Uilliam

<sup>3313</sup> Déantar plé orthu in Maguire (1960-1: 95-6, 101), agus in Mac Annaidh (1993: 5 col. a – 7 col. b; 1995: 21 col. a).

<sup>3314</sup> Scríobh Peadar Ó Maoil Chéile an chuid is mó de OÉG H9, agus léifí ar a chuid peannaireachta nach raibh an-chur amach aige ar scríobh na Gaeilge, ó tharla go dtagann feabhas nach beag ar a chuid peannaireachta ó thús deireadh OÉG H9 í féin. Tá lgh 1-19 chomh tútach sin i gcomórtas leis an méid eile gur féidir nárbh é Peadar a scríobh iad, ach is dóigh liom fós gur leis lgh 1-19, 21-39, 41-50, 69-95, 97-130, 133-45, 147-52, taobh amuigh de bhreiseanna a chuir Risteard Pluincéad [2] (q.v.) lena chuid oibre. Scríobh Risteard Pluincéad [2] rainn agus dánta ar lgh 20, 39-40, 45 (?), 77, 96, 98-101, 131, 134 (?), 136, 146. Tá lgh 51-67 i bpeannaireacht Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh (q.v.), cé go bhfuil breacaireacht i láimh anaithnid eile ar lgh 67-8. Shínigh Peadar Ó Maoil Chéile an lámhscríbhinn i gcúpla áit; tugann sé a ainm agus an 9 Eanáir 1793 ar lch 77, an 9 Eanáir 1793 ar lch 93, a ainm agus an bhliain 1793 ar lch 112, 1793 ar lch 130, an 24 Deireadh Fómhair [?] 1793 ar lch 138, a ainm ar lch 140, agus a ainm agus an dáta mí na Samhna 17[9]3 ar lch 145.

Dealraíonn sé gur le Risteard Pluincéad [2] an lámhscríbhinn lá den saol, óir tá an méid seo, nó cuid de, scríofa aige ar lch 140: ‘Richard Plunkett’s Book Dated this day / [i láimh Thomáis Stafford:] Tomas Stafford / [?] i láimh Thomáis Stafford:] March 1816 Thomas Stafford / Thomas Stafford’. An Tomás Stafford seo, is eisean an té a scríobh a ainm i mBéarla agus i nGaeilge ar lgh 18 (‘Laibher

Mac Giolla Chiaráin, ‘Críocha Déanacha an Duine’, [‘Comhairle  
Comissarius na Cléire’], laoithe fiannaíochta, amhráin Bhéarla, ‘Ortha  
Mhuire’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, dán cráifeach. 1793.

Ní rómhaith peannaireacht an scríobhaí seo sa chéad cuid de OÉG H9, agus thuigfí ó bhreacadaíl i lámha éagsúla sa lámhscríbhinn go mbaineann sí le hoirthuaisceart Cho. na Mí,<sup>3315</sup> cé gur féidir go bhfuil ceangal éigin ag cuid de na hamhráin atá inti le Co. Ard Mhacha.<sup>3316</sup> B’fhéidir go léifí ar an bhfeabhas nach beag a thagann ar láimh Pheadair ó thús go deireadh OÉG H9 go raibh sé ag foghlaim a cheirde an uair a bhí sé á scríobh, agus tá dátaí idir an 9 Eanáir 1793 agus mí na Samhna 1793 le léamh uirthi.<sup>3317</sup> Is léir, cibé rud é, go raibh sí ag Risteard Pluincéad [2] (*q.v.*) lá den saol agus go bhfuair Michael Carolan (*q.v.*) tamall di i mBaile na hEorna, Baile Shláine, sa bhliain 1807. Shínigh Éadbhard Ó Cearbhalláin (*q.v.*) í fosta.<sup>3318</sup> Ba le Tomás Stafford í ina dhiaidh sin, agus tá a ainm scríofa aige uirthi i gcuid mhaith áiteacha; tugann sé an log ‘County of Meath’ faoi dhó inti.<sup>3319</sup> Chuir Peadar Dubh Ó Dálaigh (*q.v.*) ceartúcháin agus leathanaigh bhreise léi, mar ba dhual dó riamh. Is ábhar spéise fosta go bhfuil cóip thruaillithe den téacs ‘Comhairle Comissarius na Cléire’ sa lámhscríbhinn.<sup>3320</sup> Níl a dhath ar bith ar eolas agam faoi Pheadar Ó Maoil Chéile é féin, áfach.

---

Tomas Stafford’), 45, 93, 112 (‘Thomas Staff[ ] / County of Meath / County of Meath’, 113 (rann Béarla), 117, 140. Tugaim anseo cúpla síniú inspéise eile atá sa lámhscríbhinn: lch 11, ‘Semus [...]ro’; 75, ‘Michael Carolan, Barlyhill, dated this 13<sup>th</sup> day May 1807’ (an scríobhaí, Michael Carolan (*q.v.*)); 93, ‘Eoin O’Domhnall, 7 *banacht* len’ an<m> ...’; 113, ‘Bryan Murray’; 117, ‘Oan O Dom[h]n<...> / Oan O Domhnall / Thomas Staffo<...>’; 135, ‘Edward Carolan Dundalk’ (an scríobhaí Éadbhard Ó Cearbhalláin (*q.v.*)); 138, ‘Peter Wheal (?) is my name ...’; 139, ‘Sean a Carmhlan / A man’s man’.

<sup>3315</sup> ‘... associated with Co. Meath, if not written there’ (de Brún 2009: 342).

<sup>3316</sup> Féach nóta 3642.

<sup>3317</sup> Féach nóta 3314.

<sup>3318</sup> Féach nóta 3314.

<sup>3319</sup> OÉG H9, lch 112. Féach nóta 3314.

<sup>3320</sup> Deirtear go minic nach bhfuil ach cóip amháin den téacs seo ar fáil; féach Ó Dufaigh (1970: 70-1) agus Hall (1998-9: 112).

2.192. ——— Ó Marcaigh,<sup>3321</sup> fl.1777

COFLA D1 (a). Cuid di.<sup>3322</sup> ‘Bruithean Bheag na hAlmhaine’, laoithe fiannaíochta, dánta le Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a Liondain, Séamus Mac Cuarta, Raghnall Dall Mac Domhnaill, Séathrún Céitinn. 1777.<sup>3323</sup>

Scríosadh colafoin na lámhscríbhinne seo, agus ní féidir céadainm an scríobhaí a léamh.<sup>3324</sup> Tugann nóta ar lch [i] le fios go raibh sí i seilbh Phádraig Mhic Gatháin in 1844. Diomaite de gur foinse an-tábhachtach eolais í an lámhscríbhinn seo do dhánta Pheadair Uí Dhoirnín agus Airt Mhic Cumhaigh, níl ach an oiread is lú ar eolas faoi na dálaí inar scríobhadh í. Is dóigh liom gur scríobh Donnchadh Mag Oireachtaigh beagán di i bpáirt leis an scríobhaí seo againn, ——— Ó Marcaigh,<sup>3325</sup> agus is féidir,

---

<sup>3321</sup> Scríosadh an chuid is mó de na colafoin ina n-iomláine, ach tá a shloinne inléite ar lch 104. Tugann Ó Fiannachta (1980: 1) ‘Oa Murchaidh’ mar shloinne dó sa chatalóg; léim féin ‘Oa Marchaidh’ [*sic*].

<sup>3322</sup> Ba é ——— Ó Marcaigh a scríobh an chuid is mó de COFLA D1 (a), ach amháin nótaí déanacha, agus an dán ‘Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill’ ar lgh 73-82. Is dóigh liom gur i bpeannaireacht Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh atá na leathanaigh sin.

<sup>3323</sup> Ag bun lch 56, tar éis an dáin ‘Eachtra an Ghearráin Bháin’, tá fuíollacha de cholafon a cuireadh ar ceal, agus ní féidir ainm an scríobhaí a léamh. Tá na huimhreacha ‘1[ 6?]’ inléite, agus is dóigh gur dáta scríofa atá ann, 1[77]6(?) nó 1[77]8(?), b’fhéidir.

<sup>3324</sup> Thit an crann céanna ar neart scríbhinní eile a scríobhadh nó a chaith tréimhse sa dúiche thart ar Dhún Dealgan ag deireadh na 18ú hAoise agus ag tús na 19ú hAoise: ARÉ 24M10 (603), CM L7(3-5), COFLA D1, COFLA D3 (b), COFLA L12 (a), CM L11 (b), CM L16(1), agus na colafoin Laidine in LPBF 34 (b), srl. Lomadh na colafoin le cuimilt i ngach cás agus uaireanta sméaradh dúch orthu fosta. Rinneadh na dátaí a athrú i gcásanna eile; féach CM L11 (b) agus CM L16(1). Ba le Pádraig Mhac Gatháin cuid de na scríbhinní seo, ach is ar éigean a d’fhéadfadh sé gurbh eisean a rinne an scrios seo orthu, óir thug sé aire mhaith do lámhscríbhinní eile a bhí ina chnuasach (m.sh. CM L11 (a)). Ba leas liom, ar an ábhar céanna, an locht a chur ar Éadbhard Ó hEachaidh ach oiread, cé go bhfuil a ainm féin breactha thar ainm an phátrúin i gceann de na colafoin scriosta in CM L16(1), óir tháinig lámhscríbhinní eile óna chnuasach anuas chugainn gan aon dochar a bheith déanta dóibh d’aon ghnó, m.sh. ARÉ 24P7 (95), lgh 37-266. Scríosadh ceann de na nótaí a bhreac Éadbhard Ó hEachaidh é féin c.1816 ar ARÉ 24M10 (603), lch 233, rud a thabharfadh le fios go ndearnadh díobháil ar an lámhscríbhinn sin, cibé rud é, i ndiaidh 1816. Is féidir gur sa bhliain 18[2]2 a scríobh Éadbhard Ó hEachaidh an nóta atá ar lch [195a]. Tugtar cuntas ar cholafon eile in ARÉ 24M10 (603) san *R.I.A. Cat.*, 1915-17, ach is fiú an nóta ar lch 233 a thabhairt ina iomláine, *R.I.A. Cat.*, 1917,

This B[oo]k was in the possession of [ ] in the County of Louth and barony of Dundalk 1816. [ ] is now in the possession of Edbart Haugheadh [ ].

Ba le Pádraig Mhac Gatháin ARÉ 24M10 (603) sa bhliain 1842, agus bhí COFLA D3 (b) aige fosta, lámhscríbhinn a ghráf Éadbhard Ó hEachaidh i ndiaidh 1820, ach ar scríosadh na colafoin inti. Breacadh ‘Pádríc Ó Murchughadh’ thar ainm Pheadair Uí Dhoirnín (*q.v.*) in CM L7(3), lch 104. Agus is dóigh go raibh breis agus duine amháin páirteach sa chineál seo caimiléireachta—féach gur scríosadh na colafoin Laidine amháin in LPBF 34 (b).

<sup>3325</sup> Lgh 73-82; féach nóta 3322.

ar an ábhar sin, go raibh baint éigin ag ——— Ó Marcaigh leis an dúiche thart ar pharóiste Fhochaird, Co. Lú.

**2.193. Eoin Ó Mearráin,**<sup>3326</sup> *fl.*1737

[John Merran]<sup>3327</sup>

**COBÁC M11.\*** Dánta le Séamus Mac Cuarta, Séathrún Céitinn, laoithe fiannaíochta, ‘Comhradh an Anma Dhamanta leis an Chorp’, ‘Tráchtadh Soiléir agus Léirfhoilsiughadh ar Ghabháltas Éireann ó Aimsir Cheasrach gus an Tansa’, dánta cráifeacha agus stairiúla, cuid acu le Bonabhentura Ó hEodhasa, Eoghan Ó Dubhthaigh, urnaí, annála, ‘Dán Mhaoise’, ginealach Mhig Aodha, trácht ar an aithrí thuirseach, [‘Seanmóir na Páise’]. 1737.<sup>3328</sup>

*Do Mhícheál Fléimeann.*<sup>3329</sup>

---

<sup>3326</sup> Is ar an tuiscint gur scríobh Eoin Ó Mearráin COBÁC M11 a ligeadh isteach sa chlár seo é, cé nach bhfuil a shíniú uirthi áit ar bith. Bhreac lámh mhaith shimplí de chuid na 18ú hAoise formhór na lámhscríbhinne, agus léiríonn an t-ábhar—dán le Séamus Mac Cuarta, blúirí d’annála ina ndéantar taifead ar eachtraí tábhachtacha a tharla i gCúige Uladh, agus marbhna a cumadh ar Bhrian mac Colla Mhig Mhathghamhna ó Fhearnmhaighe, Co. Mhuineacháin—gur cuireadh le chéile í i ndeisceart Uladh nó i dtuaisceart Laighean. Tá nóta gairid, ‘Ni beag sin don chomhrádh sin go ham eile’, ag deireadh tráchtais chráifigh ar lch 155, maille le cóip den nóta céanna i láimh neamhoilte agus an bhliain 1738 mar dháta ag an deireadh. I láimh eile fós tá an méid seo a leanas: ‘Arna sgríobhadh le Eóghan Úa Meran chum úsaide Mhícháel Flémun an bhliaghain d’Áos an Tíaghearna, Muin dúir agus dhá chol tríchad agus a *sacht...*’ Seo an t-aon pháosa eolais atá sa lámhscríbhinn faoin scríobhaí féin, agus ní mór caitheamh leis go cúramach. Cé gur laige ortagrafaíocht an cholafoin seo ná saothar dea-scríofa an scríobhaí féin, tá an lámh a scríobh an colafon thar a bheith néata agus trom, agus mheabhródh sí don léitheoir an stíl pheannaireachta a fheictear i lámhscríbhinní eile ó Oiriaila a cuireadh le chéile i lár na 18ú hAoise. Tríd an síniú ‘Micáel Fléminn’ atá ar lch 57 a chur i gcomparáid leis an gcolafon seo, is beag nach deimhin gurbh eisean a scríobh é, is é sin, pátrún na lámhscríbhinne féin, agus thioctadh dó a bheith eolach faoi na cúinsí inar scríobhadh í.

<sup>3327</sup> Tugann Muiris Ó Gormáin ‘Eoin Ua Mearan’ air i nGaeilge in LB Eg. 128, f. 44b, ach sa dán a cheap sé air, *Caogaid míle maighdean óg*, léiríonn Muiris é féin go raibh sé trína chéile faoin litriú beagán. I l. 4 den dán—mar atá sé leagtha amach in Mac Cathmhaoil (2013: 114-17)—tugtar ‘go hEoghain O Mearan’, ach scríobhann Muiris áit eile, l. 7, ‘s e *deir* [*ar ceal le poncanna timpeall air*: Eóin] Eóghan ...’; l. 9, ‘S e *deir* Eoin an dara feacht’, ARÉ 23A45 (629), lch 53. Luann sé ‘John Merran’ i mBéarla (LB Eg. 210), ach scríobh Énrí Ó Muirgheasa a ainm—agus údar maith aige—mar Owen O’Marron, de bharr an cholafoin in COBÁC M11. Ó tharla nach bhfuil an colafon seo i láimh an scríobhaí, tagann de sin gur fearr faisnéis Mhuiris Uí Ghormáin, cé go mbíonn idir *Eoghan* agus *Eoin* aige, agus téim leis an litriú *Eoin Ó Mearráin*, óir is fearr a réitíonn sé leis an leagan Béarla, *John Merran*. Do shampla eile de na hainmneacha *Eoin* agus *Eoghan* a bheith á gcur trína chéile, féach an cuntas ar Eoin Mhac Cadhaidh i gCaib. 2.46 thuas.

<sup>3328</sup> Luann Énrí Ó Muirgheasa cuid mhaith dátaí scríofa le COBÁC M11. Tugann sé, in Ó Muirgheasa (1916: 181; 1936: 72, 96, 99, 151, 265, 307), idir ‘Owen O’Marron’ agus ‘Eoghan Ó Mearráin’ ar an scríobhaí. Sa chatalóg a scríobh Ó Muirgheasa (1905b: 765 col. b), tugann sé 1737 mar dháta scríofa; 1729 in Ó Muirgheasa (1936: 151, 265); 1729-1737 áiteacha eile in Ó Muirgheasa (1936: 96, 99, 307,

Thaispeáin Nioclás Mac Cathmhaoil (2013: 18-19, 187-8) le déanaí go raibh aithne ag Muiris Ó Gormáin—a chaith cuid dá óige, agus a rugadh, b'fhéidir, i gCo. Mhuineacháin—ar mhuintir Mhearráin, teaghlach a raibh cónaí orthu timpeall ar pharóiste Mhachaire Rois, dhealródh sé, agus a raibh baint acu le saothrú lámhscríbhinní. Tá trí thagairt ar leith do scoláire darbh ainm Eoin Ó Mearráin sna foinsí. Is é an chéad cheann acu an dán, *Caogaid míle maighdean óg*, a chum Muiris Ó Gormáin dó am éigin roimh 1745,<sup>3330</sup> ina dtugann sé ‘scrúdthóir n[a] n-údar go láincheart’ air. De bhreis ar an méid seo, bhain Muiris Ó Gormáin úsáid as lámhscríbhinn eile le ‘hEoin Ó Mearan’ agus é ag scríobh LB Eg. 128 idir na blianta 1748 agus 1749.<sup>3331</sup> Tá cóip d’oideas dúigh i lámh Mhuiris Uí Ghormáin in LB Eg. 210, rud a fuair sé ó chrúdóir darbh ainm ‘John Merran’.<sup>3332</sup> Lámhscríbhinn eile a bhfuil baint aici le muintir Mhearráin is ea í ARÉ 23A42 (367), agus luaitear cúpla duine acu inti, taobh leis an síniú, ‘Muiris Mac Gormon’: ‘Francis Merran’ agus ‘Patrick Merran of Curduff in ye parish of Magheross’;<sup>3333</sup> bhí ARÉ 24I23 (931) á léamh ag Michael Marran,<sup>3334</sup> agus ag Thomas Gorman<sup>3335</sup> éigin fosta. Léiríonn *Tuarascáil* 1834 go raibh ‘O. Maran’ eile ag múinteoireacht i ndeisceart Cho. Mhuineacháin ag an am sin, agus dhealródh sé go raibh ceangal láidir idir iad agus an léann sa taobh sin tíre le fada an lá.

---

338); ‘tuairim bhliadhain a 1730’ in Ó Muirgheasa (1936: 72); agus 1737 in Ó Muirgheasa (1916: 181). Luaitear an dáta 1729 sa chéad chuntas a scríobh Énrí Ó Muirgheasa sa bhliain 1902, ar ghiota beag páipéir atá istigh le COBÁC M11: ‘This MS. is no. 11 of my collection. It was written by Owen O Marron for the use of Michael Fleming. It has two dates 1729 about one-third from beginning of the volume, and another date 1737. It formerly belonged to Matthew Moore Graham of Blackrock, Co. Louth. H. Morris, Dundalk, 1902’. Scrúdaigh mé COBÁC M11 ar mhionscannán, ach chuaigh díom an dáta sin 1729 a aimsiú áit ar bith inti.

<sup>3329</sup> Féach nóta 3326 thuas.

<sup>3330</sup> Is féidir sin a dhéanamh amach óir tá an t-aon chóip den téacs atá ar fáil anois in ARÉ 23A45 (629). Tá an dán in eagar in Mac Cathmhaoil (2013: 114-17).

<sup>3331</sup> De réir colafoin in LB Eg. 128, f. 62b; tá cóip chruinn de sa *B.M. Cat.*, ii, 359.

<sup>3332</sup> Féach Caib. 1.2.2.1.

<sup>3333</sup> ARÉ 23A42 (367), lgh 42, 43. Tá síniú Mhuiris Uí Ghormáin, ‘Muiris Mac Gormon’, ar lch 13.

<sup>3334</sup> ARÉ 24I23 (931), f. 167v.

<sup>3335</sup> ARÉ 24I23 (931), ff. 152, 173v.

[Ó Miadhacháin]: *féach* Mihan

**2.194. Eoin Ó Muirreadh**, c.1752-1809

[John Murray]

**LN G228.** ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, urnaí, dánta cráifeacha [ceann acu le Séamus Mac Cuarta], ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’ (Iml. 1 agus beagán d’Iml. 2), machnaimh laethúla ar an bPáis, ‘Sailm na Marbh’, seanmóir ar an mbás, teagasc Críostaí gearr, seanmóir ar an bPáis, ‘Liodán Mhuire’, ‘Na Críocha Déanacha’, ‘Comhradh an Anma Dhamanta agus an Choirp’, ‘Himhin ar Bheatha Phádraig’, ‘Himhin ar Bheatha, ar Bheartaibh, agus ar Mhíorbhuilibh Naomh Brighide’, graiméar Gaeilge. Cill Fhallúin, An Mhí 1801.

De réir an eolais a fuair Cogan (1867: 291) i dtaifid Dheoise na Mí, cuireadh an tAth. Eoin Ó Muirreadh chuig paróiste Chill Fhallúin mar shagart cúnta timpeall na bliana 1784.<sup>3336</sup> Níl a dhath ar bith ar eolas faoin oiliúint a fuair sé le bheith ina shagart, ná faoi bhlianta a óige, ach amháin gur rugadh é i Ráth Moliain. Go gairid tar éis a cheaptha sa pharóiste, mar ar chaith sé an chuid eile dá shaol, tógadh dhá shéipéal úra, ceann sa Ráistín (Clonmellon) agus ceann eile i gCill Fhallúin, idir na blianta 1787 agus 1791; tá na cuntais tógála i gclár an pharóiste. ‘It appears that Father Murray was poor at sums’, a deir Fagan (1987: 46), a scríobh nóta orthu, ‘since his totals are incorrect in all cases’.

Dúradh cheana go bhfuil lear mór tréithe canúna in LN G228 a bheadh ina ngar don té a thabharfadh faoi staidéar ar chanúint dheisceart Cho. na Mí. Chaith an lámhscríbhinn tréimhse i seilbh Thos Byrne, Reynella, Co. na hIarmhí, timpeall na

---

<sup>3336</sup> Féach an iontráil bháis i gclár an pharóiste sin i nóta 3340 thíos.



bliana 1817, agus ba le Séamus Ó Floinn ó Chill Fhallúin í lá den saol fosta.<sup>3337</sup> Bhí lámh mhaith throm ag an Ath. Eoin, agus is soiléir gur chaith sé a dhúthracht le LN G228. Cuireadh ‘Eochairsgiath an Aifrin’ i gcrích ar an 26 Meitheamh 1801.<sup>3338</sup> Tá sé ar taifead i gclár na n-adhlacthaí a coinníodh i bparóiste an Ráistín<sup>3339</sup> go bhfuair sé bás an 25 Márta 1809, in aois a 57 mbliana.<sup>3340</sup>

## 2.195. Art Mór Ó Murchadha, fl.1816-34

[Arthur Murphy]

**COBÁC M5.\*** Formhór di. Dánta le Séamus Mac Cuarta, Art Mac

Cumhaigh, Pól Ó Briain, Pádraig Mac a Liondain, dánta cráifeacha, laoithe fiannaíochta. 1828-9.

**COBÁC M6.\*** Formhór di. Dán le Séamus Mac Cuarta, dánta ar an ogham, laoithe fiannaíochta. 1817-20.<sup>3341</sup>

Ar Duffy (1987; 1988) is mó atáthar ag tarraingt anseo, agus tá cuid mhaith den eolas seo tugtha le chéile cheana féin in *Beath.* 1782-1881, 123 col. b – 124 col. a,

---

<sup>3337</sup> Ó Cléirigh (1938). Tugann Nessa Ní Shéaghdha le fios go bhfuil Reynella suite i gCo. na hIarmhí san *N.L.I. Cat.*, vi, 22. Shínigh Séamus Ó Floinn (James O Flinn) lgh i, 411.

<sup>3338</sup> LN G228, lch 101.

<sup>3339</sup> Seo an leagan oifigiúil Gaeilge de ‘Clonmellon’, agus thugtaí ‘Raiskeen’ (< *an Ráistín*) ar an áit sin fosta. Féach Piatt (1952: 12 col. c), a fuair an leagan sin ó Thomás Mhac Eochagáin sa bhliain 1938, maidir leis an athrú fuaime /t'/ > /k'/ seo.

<sup>3340</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Ráistín*, 1784-1809. Tá an clár adhlacthaí i lámh an Ath. Uí Mhuirreadh síos go dtí an iontráil ina luaitear Bridget Magoughan ón Ráistín a fuair bás an 2 Márta 1809. Ina dhiaidh sin, tá bearna bheag sa chlár, agus tugtar an chéad iontráil eile i lámh úr, ‘25 [Márta 1809]. Died—Rev. John Murray, twenty five years Pastor of Kilallon, Killna, &c., in the 58<sup>th</sup> year of his age’. Tacaíonn an dáta báis a cuireadh síos i bpáipéir na gCuariteanna a thug Easpag na Mí ar a Dheoise féin sa bhliain 1809—féach Cogan (1870: 378)—leis seo. Déantar tagairt don chlár adhlacthaí in Cogan (1867: 292-3n.), áit a bhfuil cóip d’inscríbhinn chuimhneacháin fosta atá i séipéal an Ráistín (Cogan 1867: 292).

<sup>3341</sup> Sa chlárú bunaidh a rinne Ó Muirgheasa (1905a: 755 col. a – 755 col. b) ar COBÁC M6, tugann sé dátaí idir 1819 agus 1823. Ó tharla gur athraíodh mórán de na dátaí sa lámhscríbhinn d’aon ghnó go 1828 agus 1829, ar ábhar nach bhfuil soiléir, ní féidir cuid de na dátaí a dhéanamh amach go cruinn. Is dóigh go bhfuil an liosta dátaí, 1817-20—don chuid sin de COBÁC M6 a scríobh Art Mór—a leag Duffy (1987: 236 n.48) amach cruinn, nó chomh cruinn agus is féidir. Maidir le dáileadh na lámh sa lámhscríbhinn, féach an cuntas ar an lámhscríbhinn sa bheathaisnéis seo. Déantar plé go ginearálta ar na deacrachtaí a bhaineann le stíleanna peannaireachta lucht scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha i nóta 2227. Athraíodh cuid mhaith de na dátaí in ARÉ 23B19 (495) fosta, agus tá samplaí eile den chaimiléireacht seo i lámhscríbhinní eile a bhaineann leis an dúiche thart ar Dhún Dealgan—féach nóta 3324 thuas.

fosta. Foilsíodh cuntais inspéise eile ar Art Mór Ó Murchadha in Ó Muirgheasa (1934: 423), agus nóta ar a chumas filíocht a cheapadh in Ó Fiaich (1972a: 25).

Duine thar a bheith corr agus neamhghnách a bhí in Art Mór Ó Murchadha, agus is iontach an rud é go raibh dearmad glan déanta air ina áit dhúchais faoin am ar thosaigh Énrí Ó Muirgheasa (1934: 423) a chuardach seanchais faoi go luath san 20ú hAois. Ba eisean, is dóigh, an duine ba mhó i gcúrsaí Gaeilge thart ar Dhún Dealgan nuair a bhí sé i dteann a réime go luath sa 19ú hAois, agus ní hé go raibh leisce air sin a mhaíomh—d’fhéachadh sé ar na scríobhaithe agus filí eile a thagadh chun a thí, ‘Caisleán Thalmhan Dídéin’ nó ‘Grottoplace Castle’<sup>3342</sup> (óna bhfuair sé an leasainm ‘Grottoman’) mar *disciples*<sup>3343</sup> dá chuid féin. Ba i mBaile Thomáis, gar do Dhún Dealgan, Co. Lú, a bhí an caisleán úd suite; agus an té a rachadh a lorg na bhfothrach anois, bheadh sé chomh maith aige cuimhneamh ar an gcuntas lom fírinneach a thug Nioclás Ó Cearnaigh dúinn ar a raibh ann: ‘a wretched hole where Murphy dwelt’.<sup>3344</sup> Ní dócha, lena rá go simplí, go raibh mórán de mhaoin an tsaoil mhóir aige riamh; bheifí ag déanamh amach gur scológ bhocht é, agus ís féidir gur mháistir scoile é fosta (Duffy 1988: 235).

Ba é Art Mór a bhí i gceannas ar an iomarbhá cháiliúil filíochta a cuireadh ar siúl taobh amuigh de Dhún Dealgan timpeall na bliana 1825, ach léirigh Seán Duffy (1987: 239-42) go bhfuil neart ceisteanna fós le freagairt faoi nádúr an chomórtais seo: is soiléir, cibé rud é, go ndearna Art Mór mórán le cumadh na litríochta a

---

<sup>3342</sup> Bhí páirc sa bhaile fearainn sin a dtugtaí ‘Grot Field’ nó ‘Cot Field’ uirthi, agus tharlódh sé gur sa pháirc sin a bhí a ‘dhúnáras’ (Murray 1913: 185 *n.3*; Duffy 1987: 234).

<sup>3343</sup> Tugtar *disciples* ar na scoláirí a bhíodh mór le hArt Mór i nóta ag deireadh na sraithe rann in ARÉ 23B19 (495), lgh 100-1: ‘Mr Murphy requests, if the gentleman who proposed the theme finds any error in the foregoing verses sent under his inspection, he will obligingly communicate the same to him: for whatever is found erroneous in his or his disciples’ work he is accountable for...’ Féach Duffy (1988: 242-3).

<sup>3344</sup> ARÉ 12B<sup>15</sup> (899), lch 41; Duffy (1987: 234). Tugann Duffy (1988: 343) ‘a little roadside cabin with the absurd name “Grottoplace Castle”’ ar an áit.

spreagadh sa dúiche thart ar Bhaile Thomáis nuair a bhí scríobh na Gaeilge ar an dé deiridh i dtuaisceart Cho. Lú, agus gur fhéach sé leis go bhfágfaí a gcuid saothar ar phár ina ndiaidh. I measc na lámhscríbhinní a scríobhadh chun na críche sin, tá ARÉ 23B19 (495), ina bhfuil neart de dhánta Airt Mhóir, an Dra Séamus Mhac Giolla Choille, Phádraig Uí Ghallóglaigh (*qq.v.*), Joseph Coleman, agus eile, nach mbeadh againn murach Art Mór, agus a chuid rúnaithe. Má tá sé intógtha ar scríobhaithe Gaeilge eile nár thug siad go leor eolais ina gcuid lámhscríbhinní fúthu féin agus a gcuid modhanna oibre, is é a mhalairt ghlan atá i gceist anseo: is ar éigean a chasfaí i roinn stáit leis an gcineál deargmhaorlathais atá le sonrú sa lámhscríbhinn seo, agus é ráite go minic inti gur eisigh rúnaí éigin de chuid Airt Mhóir an dán seo nó siúd ar a shon. Is fiú cúpla colafon a thabhairt anseo, mar léiriú ar an gcineál cainte a fhaightear sa lámhscríbhinn sin, agus i bpáipéir eile de chuid na scoile,

Issued from our office at Grottoplace Castle, Thomastown, Nov. 3rd  
18[26 ?]...

Given from our office at Grottoplace Castle, by order of Arthur Murphy,  
Esqr., Licencium General to the Muses, Governor and Chief Patron of the  
Literati, Hibernian and Oriental Antiquary, Postor of our Gaelic Society, &c.,  
&c.

Given from our office at Grottoplace Castle this 21<sup>st</sup> day of July A.D. 1828  
by order of Arthur Murphy, Esqr., by me, Pat Dullaghan, Public Secretary.

[*Litir a scríobhadh ar son Airt Mhóir Uí Mhurchadha, an 14 Deireadh Fómhair 1831:*] Given by permission of an ex-officio secretary of mine...<sup>3345</sup>

Na tréithe uilig atá le sonrú ar lámhscríbhinní agus ar litreacha Niocláis Uí  
Chearnaigh—an cumas scríbhneoireachta, an saothíneachas, an meascán ar nós  
cuma liom den fhírinne agus den tsamhlaíocht, gan trácht ar an dúil i dteoiricí

---

<sup>3345</sup> Tá na chéad trí cholafon in ARÉ 23B19 (495), lgh 101, 172, 173; agus tá an litir ina dtugtar an ceathrú colafon taobh istigh den chlúdach cúil de COBÁC M17. Cuireadh iad i gcló in Duffy (1987: 237-9), mar aon le samplaí eile ó lámhscríbhinní scoil Airt Mhóir Uí Mhurchadha.

áiféiseacha—níor cheist don té a chaithfeadh súil ar lámhscríbhinní lucht Airt Mhóir gurbh ina chuideachta a fuair Nioclás a chéad bhlaiseadh ar an gcineál sin léinn. Thiomsaigh Duffy (1987: 251-3) liosta beacht de dhánta Airt Mhóir, agus de na háiteacha a bhfuil fáil orthu. Mheabhródh an tsoiniciúlacht atá le brath ar phíosáí dá chuid cosúil le ‘Laoi na Sealga—Athchumtha’ nó ‘The War of Donomore’, stíl aorach Sheáin Uí Neachtain, tharla cuid mhaith den ghreann a bheith bunaithe ar dhóigheanna a chomharsan féin. ‘But one would be wrong’, a deir Duffy (1987: 249), ‘to see Art Murphy as an old ogre, the terror of his poor neighbours. If anything, his work is characterised by an impish sense of fun, from which, of course, nobody was exempt’. Thriail sé filíocht Bhéarla a chumadh fosta, agus thig linn a bheith dearfa de nach bhfuil againn anois ach an beagán is lú dár scríobh sé.

Creidtear go forleathan gur ghraf Art Mór an dá lámhscríbhinn ARÉ 23B19 (495) agus COBÁC M5, mar gheall ar na cuntais chatalóige a scríobhadh orthu san *R.I.A. Cat.*, 1424-31,<sup>3346</sup> agus in Ó Muirgheasa (1905a: 755 col. a). Ní féidir, ar dhealbh na peannaireachta, gur scríobh an duine céanna iad. Bhainfeadh ARÉ 23B19 (495) tuisle as togha cláraitheora, mar gheall ar luaineacht na peannaireachta, ar an méid colafon agus breiseanna atá inti—agus iad ag teacht salach ar a chéile i gcinnteacht, beagnach, a bhformhór leathscríosta, agus na dátaí athraithe iontu—sa dóigh nárbh éasca a rá cá mhéad lámh atá in ARÉ 23B19 (495) gan staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar an leabhar. Ghraf lámh mhion néata bhiorrach í den chuid ba mhó—lámh ar beag idir í go minic agus stíl Phádraig Uí Ghallóglaigh—stíl nach dtéann leis an láimh mhór chruinn a ghraf COBÁC M5 ach oiread. Is í an tréith is so-aitheanta de chuid pheannaireacht COBÁC M5, na boghanna arda ar na litreacha *f* agus *s*, agus

---

<sup>3346</sup> Lena cheart a thabhairt don chláráitheoir, b’fhiú an nóta iomlán a thabhairt anseo: ‘This MS. ... appears to be the work of several different scribes among whom, probably, though an authoritative signature is wanting, is *Arthur Murphy...*’, *R.I.A. Cat.*, 1424.

iad biorrach ina lár. Scríobhadh COBÁC M6 uilig idir 1817 agus 1823, glacaimis leis; agus de réir chatalóg Énrí Uí Mhuirgheasa (1905a: 755 col. a),<sup>3347</sup> ba é Nioclás a scríobh í, cé gur dóigh gur tháinig malairt intinne air gurbh é Art Mór an príomhscríobhaí ina dhiaidh sin.<sup>3348</sup> Tá, cinnte, lámh Niocláis Uí Chearnaigh le féiceáil inti, ach is ionann an phríomhlámh agus an ceann a ghráf COBÁC M5, sa dóigh gur dócha go mór nár dhearmad do Duffy (1987: 236) a áiteamh gurbh é Art Mór a scríobh a formhór. Is fíor, cibé rud é, nach bhfuil an lámh seo le fáil in aon lámhscríbhinn eile a bhaineann leis an scoil seachas COBÁC M5 agus COBÁC M6.<sup>3349</sup> Cuimhne cinn de chuid Niocláis Uí Chearnaigh ar bhotún léitheoireachta a rinne Art Mór, b'fhéidir, atá sa nóta a bhreac sé ar imeall leathanaigh in COBÁC M6, in aice leis an gcóip de 'Tuireamh Shomhairle Mhic Dhomhnaill' a scríobh Art Mór é féin,

Art Mor Ua Murchadh Bhaile Thomais ler feidir an Tuireamh do leughudha gus an focal *is mairg*, 7 *ar theacht* do an fad sin, nior bh'fiosach do o s[h]ín suas an ait do leaghfadh se.<sup>3350</sup>

Is beag atá ar eolas faoin duine féin taobh amuigh den bhaint a bhí aige le cúrsaí Gaeilge, ach amháin go raibh sé measartha bocht. Ní beag mar theist air an méid a bhí le rá ag Duffy (1987: 234) faoi agus faoin dúil a bhí aige sa teanga, is é sin, gur bhain sé leis an aicme ab isle, 'the very people, in fact, one would have felt least able to abstract themselves from the precariousness of their situation, and devote their

---

<sup>3347</sup> 'Scribe doubtful. Part of it is undoubtedly by O'Kearney, and the remainder may be his also in a disguised hand. His name occurs frequently on the margin throughout the book' (Ó Muirgheasa 1905a: 755 col. a).

<sup>3348</sup> Féach na nótaí a scríobh Énrí Ó Muirgheasa ar na fordhuilleoga a cuireadh le COBÁC M6 nuair a ceanglaíodh í ar a shon.

<sup>3349</sup> Tá cuid de LN G200 (b), ar scríobh Pádraig Ó Gallóglaigh a formhór idir 1822 agus 1823, i lámh atá thar a bheith cosúil le peannaireacht Airt Mhóir, ach tá tréithe beaga i gcoitinne ag stíleanna peannaireachta na beirte seo ar an móróir. Bheadh tuairim agam gur scríobh Pádraig formhór mór na lámhscríbhinne LN G200 (b). Agus is spéisiúil an ní é gur cosúla go mór peannaireacht Phádraig le stíl Airt Mhóir nuair is ag cóipeáil dhánta Airt Mhóir atá sé; dhealródh sé go raibh autograf de chuid an údair féin aige agus LN G200 (b) á grafadh aige.

<sup>3350</sup> COBÁC M6, na leathanaigh gan áireamh go fóill. Tá na focail 'is mairg' i script chlaonta (in aithris ar chló iodálach na leabhar clóite) sa lámhscríbhinn.

energies to literary pursuits'. Deir sé sa dán, *O Matthew, dearie, now I cantie*, a ghabhann leis an litir a chuir Art Mór chuig Matha Mórdha Ó Graeme ar an 14 Deireadh Fómhair 1831, agus ina ndéanann sé gearán mór faoina chúinsí, go raibh mac amháin aige. B'fhéidir go ndéarfaí go bhfuil dealramh air go raibh an mac sin ag teacht in aois fir, nó deir Art Mór gurbh fhearr leis é a bheith ina 'sodger' .i. ina shaighdiúir, ná a bheith ag gabháil don saol a bhí aige féin. Thuigfí ón gcuid eile den litir go raibh an grúpa filí tar éis scaradh óna chéile, beagnach,

I hope you will be indulgent enough to pardon my negligence in not giving you thanks for the encomiums bestowed by you upon as unworthy an individual as I am. I beg you will receive this, for the present as an apology. ... I beg that you will not be angry with me by reason of my forgetting to write to you this long time past. I have been but in very bad spirits, and I very much fear you will construe my forgetfulness in the worse sense. I beg you once again to excuse me. I am informed you have engaged some petty scribbling rhymers at or near your own place. If he is a blathering bawler quit him at once; cast no pearls to swine. If he is an unlicensed sage let me have share in the victory. I cannot close this without giving you my hearty thanks for your unparalleled poem on the humble inmate of Grottoplace Castle.<sup>3351</sup>

Déanann Duffy (1987: 235 n.41) amach gurbh é an mac seo an Art Murphy, mac le Art Murphy agus Aly Savage, a baisteadh i bparóiste Bhaile an Agairt ar an 16 Samhain 1816.<sup>3352</sup> Páiste aonair a bhí ann, is dóigh, nó níl trácht ar pháistí eile le Art Murphy agus Aly Savage i gclár an pharóiste, go bhfios dom. Bhí Art Mór ina bheatha, b'fhéidir, chomh mall leis an mbliain 1834, nuair a dhéantar tagairt i *Leabhar Deachúnaithe Bhaile Bhalraic* (1834) do Arthur Murphy a bhí ag cur faoi i mBaile Thomáis, agus plota 1A 0R 34P aige. Thuigfí ó na tagairtí a rinne Nioclás Ó Cearnaigh agus Matha Mórdha Ó Graeme dó, sa réamhaiste a chuir siad lena gcuid *Bardic Remains of Louth* in COBÁC M17, go raibh Art Mór fós ina bheatha an uair

---

<sup>3351</sup> Tá an litir sin istigh le COBÁC M17, agus i gcló cheana in Ó Muirgheasa (1916: 180-1), Duffy (1988: 346), srl. Tugadh an sliocht thuas i gCaib. 2.173 fosta.

<sup>3352</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, Baile an Agairt, 1789-1838:*

'16 [Samhain 1816]. Art of Art Murphy & Aly Savage. S. John Conly & Mary Hardy'.

sin. Ullmhaíodh an saothar seo sa tréimhse c.1832-5, agus scríobhadh cuid de COBÁC M17 sa bhliain 1834. Taispeánann an méid sin, agus an taifead talún, go raibh Art Mór beo sa bhliain sin, ach níorbh fhada ina dhiaidh sin a cailleadh é: thagair Nioclás Ó Cearnaigh do ‘the late Arthur Murphy, Esq.’ i nóta mínithe a chuir sé le ARÉ 12B<sup>1</sup>5 (899),<sup>3353</sup> lámhscríbhinn a grafadh don Dr Brian Ó Rodaigh idir na blianta 1840 agus 1841. Tugann Nioclás Ó Cearnaigh ‘my ever to be lamented friend’ air i litir a scríobh sé chuig Seán Ó Dálaigh ar an 26 Iúil 1844.<sup>3354</sup> Ligeann an méid seo dúinn a rá gur cailleadh Art Mór Ó Murchadha am éigin idir na blianta 1834 agus 1841; agus diomaite de go bhfuil clár adhlacthaí ann do pharóiste Bhaile an Agairt a chlúdaíonn na blianta 1831-1838, níl tuairisc ar a bhás ann. Caithfidh sé gur cailleadh mórán dá chuid lámhscríbhinní nuair a rug bleachtairí leo cuid mhaith de pháipéir Niocláis Uí Chearnaigh ó theach O’Donovan Rossa sa bhliain 1865,<sup>3355</sup> agus nuair a dódh cuid mhaith de lámhscríbhinní Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme c.1900.

## 2.196. Mícheál Ó Murchadha, *fl.*1821-31

[Michael Murphy]

**ARÉ 23053 (b) (1362).** Dán le hArt Mac Cumhaigh, dán Béarla. An Baile Caol, Foirceal, Ard Mhacha 1831.

**CM L6.** Díleagra an Oll. Pól Ó Briain ar an nGaeilge, dánta le Pól Ó Briain, Art Mac Cumhaigh, [Eoghan Ó Donnghaile], Pádraig Mac a Liondain, Peadar Ó Doirnín, Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna, Séamus Mac Cuarta,

<sup>3353</sup> ARÉ 12B<sup>1</sup>5 (899), lch 144.

<sup>3354</sup> LN G389(67), litir ó Nioclás Ó Cearnaigh chuig Seán Ó Dálaigh, an 26 Iúil 1844; tá sí i gcló in Ó Buachalla (1965: 139). Áitíonn Duffy (1988: 363 n.113) gur féidir dáta báis Airt Mhóir Uí Mhurchadha a chur idir an 2 Márta 1843 agus an 26 Iúil 1844, dáta na litreach thuas. Dála an chéad dáta, is ag tagairt do litir a scríobh ‘Mr. Murphy’ éigin chuig eagarthóir an *Dublin Weekly Nation* atá Duffy (1988: 363 n.113), litir dár thagair an tAth. Thomas V. Burke i litir chuig Charles Gavan Duffy, an 2 Márta 1843. Tá an litir sin i gcló in Duffy (1988: 367). Dealraíonn sé nach ionann an ‘Mr. Murphy’ seo agus Art Mór Ó Murchadha, má bhí sé marbh faoi c.1841.

<sup>3355</sup> Féach nóta 2228 thuas.

Donnchadh Mór Ó Dálaigh, [? Risteard Pluincéad], dán ar an ogham, nota agus giorrúcháin, ‘Bruidhean Chéise Corainn’, ‘Coimheasgar na gCuradh’, ‘Eachtra na gCuradh’, laoithe fiannaíochta, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’, ‘Oidhe Chloinne Lir’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, *An Teagas Críosdaidhe* le Bonabhentura Ó hEodhasa, liodán na Naomh, Sailm 69, urnaithe, ‘Iomann Féicc’. Sr. Eoin, Baile Átha Fhirdhia, An Lú 1821-9.<sup>3356</sup>

**CM L7(6).** Cuid di.<sup>3357</sup> Dánta le hUilliam Mac Giolla Chiaráin, Pól Ó Briain, dán aithrí. [Sr. Eoin, Baile Átha Fhirdhia, An Lú]<sup>3358</sup> 1825.

**LPBF 30 (b).**<sup>3359</sup> Dánta le Séamus Mac Cuarta.

Cé gur scríobhaí cumasach é, is beag spéis a chuirtear i saothair Mhíchíl Uí Mhurchadha, agus is beag eolas atá ar fáil faoi. I Sr. Eoin i mBaile Átha Fhirdhia, Co. Lú, a bhí cónaí air,<sup>3360</sup> ach is doiligh teacht ar aon eolas substaintiúil air i gcláir Chaitliceacha an pharóiste. Grafadh ARÉ 23053 (b) (1362) ar an mBaile Caol, i bparóiste Fhoirceal, Co. Ard Mhacha, sa bhliain 1831, áfach; agus déantar tagairt do Michael Murphy éigin a bhí ag teagasc scoile i gCamloch, atá sa chomharsanacht

---

<sup>3356</sup> Níl ach dhá chuid sa lámhscríbhinn seo, agus scríobh Mícheál Ó Murchadha iad ag amanna éagsúla. Deir sé gur as ‘Ardee ... County of Louth’ dó i gcuid (a), lch 4, agus go raibh sé ag scríobh ‘a Sraid ui Eoin’ ar lch 19. Fuair mé dátaí idir 1821 (lch 72) agus 1829 (lch 201) i gcuid (a), agus idir 1822 (lch 50) agus 1823 (lgh 59, 69, [79]) i gcuid (b).

<sup>3357</sup> Tá dhá láimh in CM L7(6), ceann amháin ar a dtabharfar **A**, a scríobh lgh 1-5, 6 (an chuid uachtarach), 9, 13 (an chuid uachtarach). Ba é Mícheál Ó Murchadha a scríobh lgh 6 (an chuid íochtarach), 7-8, 11-12, 13 (an chuid íochtarach). Tá a ainm ar lgh 8, 12, agus an 8 Bealtaine 1825 mar dháta scríofa le lch 8. Ar lgh 10, 14, tá scribeáil i bpeannaireacht Mhíchíl, agus cuntas airgid ina láimh i lár lch 11. Scríobhadh ‘Michael Murphy of John Street’, ‘Michael Murphy, Ardee, County Louth an[d] Ireland’ ar lch 14. Ar lch 10, tá an méid seo—

O my consolation and faithful compan<ions>

Michael Murphy

Agas an tra ba meag[h]ra morm[h]eanmach sin um an ol.

Patrick Russell

Thom Murphy.

Ó tharla gur ghráf **A** agus Mícheál an lámhscríbhinn seo i bpáirt lena chéile, is dóigh, agus go bhfuil sliocht an tosaitheora go mór ar obair scríobhaí **A**, bheinn ag déanamh amach go raibh **A** ag scríobh faoi shúil Mhíchíl ag an am.

<sup>3358</sup> Luaitear an log seo i nóta fáin i láimh Mhíchíl in CM L7(6), lch 14. Féach nóta 3357 thuas.

<sup>3359</sup> Is féidir gur scríobh duine eile darbh ainm sin an lámhscríbhinn seo, óir tá an pheannaireacht iontach garbh inti, ach is léir go mbaineann sí le hOiriolla ag an am céanna, agus d’fhéadfadh sé gur luathiaracht de chuid an scríobhaí seo í.

<sup>3360</sup> Féach nótaí 3356, 3357 thuas.



chéanna, i d*Tuarascáil* 1834, 204a. Is iad CM L6 agus CM L7(6) an dá lámhscríbhinn is tábhachtaí dár scríobh sé, agus tá ábhar iontu a bhaineann le Risteard Pluincéad agus le Pól Ó Briain (*qq.v.*). Thuairimigh Eoin Mac Néill (1906a: 193 col. b), an té a rinne clárú ar na lámhscríbhinní seo, gur mhac-chléireach de chuid Mhaigh Nuad é Mícheál, ó tharla go bhfuil dea-chóip d'aitheasc Phóil Uí Bhriain ar an nGaeilge in CM L7 ach go háirithe. Níl taifead ar bith in innéacsanna Hamell a réiteodh leis an mbeagán eolais atá againn i dtaobh Mhíchíl. Is féidir go raibh CM L6(4), lámhscríbhinn le Peadar Ó Doirnín, ina sheilbh tráth.<sup>3361</sup>

**2.197. Aodh Ó Néill,**<sup>3362</sup> *fl.*1785-1807

[Hugh O'Neill]

**COBÁC M4.** *An Teagas Críosaíde* le Bonabhentura Ó hEodhasa, dánfhocail. Iúr Chinn Trá, An Dún.

**COBÁC M9.** Aistriúchán ar leabhar urnaithe le hAodh Ó Neill. Iúr Chinn Trá, An Dún.<sup>3363</sup>

---

<sup>3361</sup> Ghraf Peadar Ó Doirnín CM L7(4), lgh 1-9, ach tá lch 10 i láimh lag, agus i bpeannaireacht tosaítheora. Shínigh an scríbhneoir sin barr an leathanaigh: 'Michael Murphy his Book Dated 1 the 1 Day May'. Ní féidir a rá gur bh é an scríobhaí é.

Dealraíonn sé gur féidir go raibh codanna eile den lámhscríbhinn chuimsitheach sin ina sheilbh aige, CM L7(3), b'fhéidir, más duine muinteartha le Mícheál Ó Murchadha an Pádraig Ó Murchadha a rinne scrios ar an gcolafon in CM L7(3), lch 104. Féach an cuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149 thuas.

<sup>3362</sup> Pléadh i nóta 2329 an dáta amhrasach a chuir an Dr Séamus Mhac Giolla Choille le lámhscríbhinn de chuid Sheáin Uí Chonchubhair, agus tá a leithéid déanta aige áit eile. I nóta a scríobh an Dr Mac Giolla Choille ar LN G869, tugann sé le fios gur scríobh Aodh Ó Néill ó Iúr Chinn Trá í, agus go bhfuair sé bás sa bhliain 1726, i bhfad sular rugadh an dochtúir é féin. Ghlac Ó Gallachair (1971: 77) leis an dáta sin, agus b'fhéidir nach iontas é gur samhlaíodh an tAodh seo leis an scríobhaí seo againn i gcúpla áit. Déantar sin in Ó Baoill (2007: 81), áit a ndeirtear gur scríobh Aodh Ó Néill LN G869 c.1780. Léirigh Dillon (2013a: 122), áfach, nach réitíonn peannaireacht LN G869 leis na lámhscríbhinní a thugtar ar an liosta ag tús an chuntais seo. Féach nóta 2329, áit a dtugtar cuid mhaith d'argóint Dillon (2013a: 122). Is dóigh liom féin gur scríobhadh LN G869 sa dara leath den 18ú hAois, ach níl a fhios agam cé a scríobh í.

<sup>3363</sup> Mheas Ó Muirgheasa (1905a: 755 col. a) gur scríobhadh an lámhscríbhinn féin in 1785, ar fhianaise an nóta atá ar lch [2]: 'This, I beleive is my first attemt at translateing and it cannot of course be very correct. Hugh O'Neill, 1785'. Dealraíonn sé go bhfuil an dúch anseo i bhfad níos dorcha ná a bhfuil sa chuid eile den lámhscríbhinn, agus gur nóta breise atá ann, a grafadh tar éis a críochnaithe.

**COBÁC M12.** Formhór di.<sup>3364</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’, dánfhocail. Iúr Chinn Trá, An Dún 1805-7.<sup>3365</sup>

**COBÁC M22.** Luibhleabhrán Gaeilge, Béarla agus Laidine.<sup>3366</sup>

**COFLA MF9.** Dánta le Seán Ó Neachtain, Séafraidh Ó Ruairc, Toirdhealbhadh Óg Mac Donnchadha, Domhnall Gorm Mag Lochlainn, Tomás Mac Coistealbha, Diarmaid Ruadh Mac Muireadhaigh, Toirdhealbhadh Óg Ó Miadhacháin, Peadar Ó Maoil Chonaire, Pádraig Mac a Liondain, Seaán Ó Maoil Chonaire, Aonghus na nAor [Ó Dálaigh], ‘Conspóid Dhonnchaidh Mhic Labhradha agus Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’, búrdúin agus dánfhocail, cuid acu le Cathaoir Bacach Ó Raghallaigh, Magnus Ó Domhnaill, James Burke, ——— Mac an Bhaird, ‘Réim Ríoghraidhe Érend’. Iúr Chinn Trá, An Dún 1802-3.

**LB Eg. 165.**<sup>†3367</sup> Blogh di. Dán. Iúr Chinn Trá, An Dún 1796-7. Do *Sheáin Tancart*.<sup>3368</sup>

---

<sup>3364</sup> Tá lámh eile (atá róchosúil le peannaireacht Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme) ar lgh 93.10-96, 110.6, [110a]–[110f]. Tugtar tráchtas gairid ar chúrsaí gléasta agus dea-bhéasa i mBéarla ag deireadh na lámhscríbhíne.

<sup>3365</sup> Gheofar an dáta seo ar bhlogh leathanaigh a greamaíodh d’fhordhuilleog thosaigh na lámhscríbhíne:

Áitchiom guidhe gach leitheor[a] / cogusach meanamhuil caonchruth dreach <...> / ma bhíom a n-airc no a n-éigin / a Ríogh g[h]lormhar foig[h]rint oram fas <...> / Aodh O Neil[I] / 1807.

Tugtar dátaí eile sa lámhscríbhíne: Iúr Chinn Trá, 1805, ar lch 28; 1805 ar lch 62; Iúr Chinn Trá, an 3 Márta 1805, lch 115; an 15 Nollaig 1805, lch 163; Iúr Chinn Trá, ‘28: la dabh/ra\ 1806 six’, lch 248.

<sup>3366</sup> Tugann an *Hayes Cat.*, 695 col. c, an dáta 1800, ach chuaigh díom é a aimsiú sa lámhscríbhíne.

An féidir gur tomhas garbh a bhí ann?

<sup>3367</sup> Is fiú linn, sílim, nóta fada a thabhairt ar LB Eg. 165, óir níor dhóigh le Flower gurbh é Aodh a scríobh na giotaí dar dáta 1796 agus 1797. Ghráf Muiris Ó Nuabha an chéad chuid den lámhscríbhíne sa bhliain 1719, agus tharla sí i lámha Sheáin Uí Neachtain ina dhiaidh sin. Bhí sí ag Tadhg Ó Neachtain sa bhliain 1741, agus chuir sé ‘Cath Bearnna Chroise Brighde’ léi an bhliain sin. Is é an chéad ghiota eile atá sa lámhscríbhíne i ndiaidh cholafon Thaidhg an dá cholafon (nó nóta) seo, an chéad cheann acu ar f. 111b,

Toisiogham ar sgríobhadh c[h]um aofbhnios & shásaigh an fhialchaid(h)ream[h]aidh cheannsaigh shothlabhraigh shíorthabharthaigh do gach dáimh do na seóidibh is áille & is mórluaghe ata da g[h]nath inna stoichiste .i. Seathan Tancart a nAth Cliath a Sráid na bPiollaidh san gceathramh uibhir .i. doras an seachtm[h]adh do mhios Jan. an b[h]liag[h]ain d’Aois an Tighearna míle ar s[h]eacht ccead 7 seacht mbliaghna ar naoi modhad (moghhdhad) 1797.

Ansin, ar f. 112, tá an méid seo a leanas i ndúch eile, ach i láimh an ghraifneora chéanna,

Diomaite de go bhfuil a fhios againn go raibh scríobhaí Gaeilge eile, Pádraig Ó hEithir (*q.v.*), ag réiteach ábhar cráifeach i nGaeilge in Iúr Chinn Trá, le linn d’Aodh Ó Néill a bheith i mbun na hoibre céanna sa bhaile sin, ní féidir liom a léiriú go raibh aithne acu ar a chéile. Is leis an tréimhse idir 1785 agus 1807 a bhaineann na tagairtí atá againn dóibh beirt.

Na leabhair urnaithe de chuid Phádraig Uí Eithir atá againn, is é rud atá iontu, sleachta as *Parrthas an Anma*, ach is dóigh gur fhéach Aodh Ó Néill le téacsanna cráifeacha a aistriú go Gaeilge. Iarracht den chineál sin is ea an lámhscríbhinn is sine, go bhfios dúinn, de shaothar Aodha a tháinig anuas chugainn, COBÁC M9, agus dealraíonn sé ó nóta a scríobh sé uirthi sa bhliain 1785 gur aistrigh sé í am éigin roimhe sin,

This, I beleive is my first attemnt at translateing and it cannot of course be very correct.

Hugh O Neill, 1785.<sup>3369</sup>

Tá an chóip de *Teagasg Críosaíde* Uí Eodhasa atá in COBÁC M4 i

bpeannaireacht Aodha. Is soiléir go mbíodh sé i dteagmháil le Seán Tancart (*al.* John Tankard), 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane], Baile Átha Cliath, an té a fuair cuid de

---

Aodh O Néill a nIubhar Cheann Tragha go bráth go raibh a’ *sean* air[,] an *fear* stúama céillidh a thóg an leabhrán séimhse dhámhsa. Búaidh is agh go *heag* leis, 1796, is Lá na Breithe *tair* éis a dhúsgadh.

Tagann i ndiaidh an cholafoin seo an dán a gheall sé a scríobh sa chéad cholafon, agus é sa dúch céanna agus an chéad nóta sin. Áiríonn Robin Flower an dán seo mar airt. 6 sa lámhscríbhinn, agus is é seo an t-adhmad a bhain sé as na colafoin thuas, *B.M. Cat.*, ii, 377,

Art. 5 is in the hand of Tadhg Ó Neachtain and was written in 1741. The MS. afterwards came into the hands of Aodh Ó Néill of Newry, co. Down, who gave it to an anonymous scribe in 1796, from whom it passed apparently to John Tankard of 4 Pill Lane, Dublin, in 1797, the scribe adding art. 6 in that year.

Níorbh fhios do Flower—agus cá bhfios dó sin, tharla nach bhfaca sé lámhscríbhinn le hAodh Ó Néill—gurbh é Aodh a scríobh an dá cholafon thuas, agus an dán atá leo. Is féidir seo a thaispeáint trí pheannaireacht an dá cholafon thuas a chur taobh le script COBÁC M4, srl.

Tchífeair ar ball beag gur féidir gur chóipeáil Aodh cuid mhaith ábhar ó lámhscríbhinn éigin sa bhliain 1792 (féach i gcorp an chuntais thuas, agus Aguisín 16) a raibh ceangal láidir aici le Baile Átha Cliath, agus is dóigh gur lámhscríbhinn eile í a cuireadh síos chuige ón ardchathair. Rinne sé cóip de lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin, LB Eg. 127, isteach in COFLA MF9 idir na blianta 1802 agus 1803 (Moore 1953-5). Is féidir (ach ní follas) go bhfuair sé na lámhscríbhinní uilig ó Sheán Tancart.

<sup>3368</sup> Féach nóta 3367. Tugtar nóta ar Sheán Tancart in Aguisín 16.

<sup>3369</sup> COBÁC M9, lch [2]. Tugadh an colafon seo i nóta 3363 thuas.

chnuasach breá lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin.<sup>3370</sup> Ba as ceann de na lámhscríbhinní sin, gan amhras, a chóipeáil Aodh ábhar isteach i lámhscríbhinn dá chuid féin sa bhliain 1792,<sup>3371</sup> dhá scéal rómánsaíochta san áireamh. Cé gur cosúil go bhfuil an lámhscríbhinn sin ar neamhní anois, is féidir tomhas a dhéanamh ar a raibh inti, mar gheall ar an gcóip a rinne Pádraig Mhac Gatháin de chodanna di idir na blianta 1820 agus 1823. Deir Pádraig sa chóip sin, ARÉ 24L34 (815), gur le Mícheál Ó Tónair (*q.v.*) ó Bhaile na Lorgan, Co. Lú, í lámhscríbhinn na bliana 1792 an uair a scríobh sé ábhar aisti. Is ábhar spéise go bhfuil cnuasach maith ainmneacha luibheanna agus plandaí taobh le hábhar na lámhscríbhinne cailte i gcóip Phádraig, ó tharla gur scríobh Aodh Ó Néill cnuasach mór ainmneacha den chineál seo isteach i lámhscríbhinn eile dá chuid, COBÁC M22. Bheifí ag déanamh amach gur féidir gur shíolraigh an chóip de ‘Cath Bearna Chroise Brighde’—dán fada a chum Seán Ó Neachtain *c.*1705,<sup>3372</sup> atá in ARÉ 24L34 (815) as lámhscríbhinn na bliana 1792, nó eiseamláir eile de chuid Aodha Uí Néill, óir ní minic a fheictear cóipeanna de shaothar Sheáin Uí Neachtain i lámhscríbhinní a scríobhadh chomh fada ó thuaidh agus tuaisceart Cho. Lú sa 19ú hAois.<sup>3373</sup> Tá a fhios againn go raibh dea-chóip de ‘Cath Bearna Chroise Brighde’ idir lámha ag Aodh Ó Néill idir na blianta 1796 agus 1797, cibé rud é. LB Eg. 165 atá uirthi anois, agus ghraf Tadhg Ó Neachtain codanna di sa bhliain 1741. Ba le Seán Tancart LB Eg. 165 an uair a fuair Aodh iasacht di, agus chuir sé dán agus nóta fada léi ‘c[h]um aoíbhnius & shásaigh an fhialchaid(h)ream[h]aidh cheannsaigh shíorthabharthaigh do gach dáimh do na seóidibh is áille & is mórluaghe ata da g[h]nath inna stoirchiste .i.

<sup>3370</sup> Féach Aguisín 16. Is doiligh a rá cá fhad a bhí cónaí ar Sheán Tancart i \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane].

<sup>3371</sup> Tugtar tuilleadh sonraí i nóta 1519 thuas.

<sup>3372</sup> Cuireadh an dán fada seo in eagar in Williams (1981), áit a bhfaighfear plé ar a ábhar.

<sup>3373</sup> Tá cuid de shaothar Sheáin Uí Neachtain i lámhscríbhinní Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh agus Pheadair Uí Ghealacháin, ach bhí siad ag scríobh i gCo. na Mí.

Seathan Tanncart a nAth Cliath'.<sup>3374</sup> Is cóip dhílis, beagnach, den lámhscríbhinn thábhachtach sin LB Eg. 127 í COFLA MF9, rud a ghráf Aodh idir 1802 agus 1803 (Moore 1953-5). Ba é Muiris Ó Gormáin (*q.v.*), ar ndóigh, a thiomsaigh LB Eg. 127 idir na blianta 1774 agus 1775, agus is dóigh go bhfuair Aodh ar iasacht í ó Sheán Tancart.

An lámhscríbhinn is déanaí de chuid Aodha a bhfuil dáta léi, COBÁC M12, scríobhadh í idir na blianta 1805 agus 1807, ach níorbh fhada ina dhiaidh sin a scar Aodh léi.<sup>3375</sup> Aistríodh í trí huairé idir na blianta 1807 agus 1816. Ba i seilbh a dhearthár, Eoghan Ó Néill, a tharla sí ar dtús, agus thug sé don Ath. Séamus Mhac Domhnaill í. Bhronn an sagart sin í ar an Dr Séamus Mhac Giolla Choille ag a raibh sí faoin mbliain dheireanach sin, 1816.<sup>3376</sup> Deirtear go raibh aon lámhscríbhinn déag ó chnuasach Aodha Uí Néill i seilbh Airt Mhic Bhionaid (Ó Buachalla 1968: 290 *n.7*), ach ní fheicim go bhfuil aon bhonn fírinne leis sin.

---

<sup>3374</sup> LB Eg. 165, f. 111v. Féach nóta 3367 thuas.

<sup>3375</sup> Ní fios an bhfuair sé bás thart faoin am sin. Féach nóta 3376.

<sup>3376</sup> Féach an nóta in COBÁC M12, lch 62,

Leis a' Doctuir Mhac Iollc[h]oilleadh san tSráidbhaile an leabharse, oir do thug Oghan O Néill, dearbhrathair Aódh Uí Neill, don Athair S(h)eamus Mhac Domhnaill é, agus do phronn an tAthair Seamus orramse é; an bhliadhain d'Aois a' Tiarna, mile ochd ccéad & se bliadhna déag. Sic transeat [*sic*] Gloria mundi. Scriptum per me Jacobum Sylbhanum in opido Dundalkii, 1816.

Is i bpeannaireacht an Dra Séamus Mhac Giolla Choille atá an méid sin. An t-eolas a thugann an Dr Séamus Mhac Giolla Choille dúinn, d'fhéadfaí a rá go ligean sé dúinn dáta báis Aodha Uí Néill a dhátú don tréimhse idir 1807 agus 1816. Tá nóta ar fhordhuilleog COBÁC M22 a chuirfeadh olc ar naomh, toisc é a bheith gan dáta: 'This book lately belonged to Hugh O Neill lately deceased'. Bhí COBÁC M22 i seilbh Phádraig Uí Chathaláin (*q.v.*) ina dhiaidh sin, agus is dóigh gur bh eisean a scríobh an nóta sin.

## 2.198. Art Ó Néill, fl.1700

**ARÉ 24P24 (1073).** ‘An Leabhar Gabhála’ (Leagan Uí Chléirigh, gluaiseanna air), ‘Iomarbhágh na bhFileadh’. 1700.<sup>3377</sup> Do *Sheán Ó Donnghaile*.<sup>3378</sup>

Rudhruidhe ab ainm d’athair an scríobhaí chleachtaithe seo,<sup>3379</sup> a bhreac an chuid is mó de na téacsanna in ARÉ 24P24 (1073) idir an 1 Feabhra 1700 agus an 10 Lúnasa 1700<sup>3380</sup> do Sheán Ó Donnghaile éigin. Tharla an lámhscríbhinn i seilbh ‘Patrick Daly of Sgeoly(?), in the Parish of Clunfakell’, *R.I.A. Cat.*, 2992, am éigin san 18ú hAois, is dócha. Is féidir gur ag tagairt do Chluain Fiacaíl, paróiste Caitliceach ar theorainn Cho. Ard Mhacha agus Cho. Thír Eoghain, a bhí an Patrick Daly seo.<sup>3381</sup> Idir 1683 agus 1704, bhí Arthur O’Neill nó Arturus O Nellus éigin ina shagart paróiste ar Charn tSiadhail, Co. Thír Eoghain (Ó Fiaich 1955: 67, 69), nach bhfuil ach achar gearr ó Chluain Fiacaíl, ach níl ainm a athar ar caomhnú anois.<sup>3382</sup>

---

<sup>3377</sup> Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 2992 gur scríobh Art Ó Néill lgh 1-6 amháin. Is léir gur sa láimh chéanna atá an chuid eile den lámhscríbhinn (ach na leathanaigh dheiridh, b’fhéidir) agus gabhann na hinisil ‘A. N.’ leis an gcolafon ar lch 175.

<sup>3378</sup> Sonraí ag teastáil, ach gur mhac le hÉamonn Ó Donnghaile éigin é; féach ARÉ 24P24 (1073), lch 6.

<sup>3379</sup> ARÉ 24P24 (1073), lch 6.

<sup>3380</sup> ARÉ 24P24 (1073), lgh 6 (an 1 Feabhra 1700), 175 (an 7 Iúil 1700), 183 (‘Lá S. Labhrais 1700’ = an 10 Lúnasa 1700).

<sup>3381</sup> Níl aon eolas agam ar log darb ainm Sgeoly a bheith sa dúiche seo, áfach.

<sup>3382</sup> Tá nóta smálaithe ar lch 6 atá i láimh an scríobhaí. Rinne an cláráitheoir an léamh seo air: ‘mise bhur(?) ccuirn(?)’, *R.I.A. Cat.*, 2993, agus an *n* dúbailte san fhocal deiridh scríofa mar *n* le stríoc thairis. Is léir, áfach, go bhfuil *spiritus asper* thar an stríoc, agus caithfear glacadh leis gur stríoc ghiorrúcháin í. Léamh féidearthach amháin air seo is ea ‘Mise bar [= bhur] ccuirneach’, ní nach rachadh in aghaidh na tuairime go bhfuil muid ag déileáil le cléireach de chineál éigin anseo (nár den ghnáthchléir é, is dócha go mór).

Tugtar tagairtí do shagart paróiste Chairn tSiadhail in Ó Fiaich (1955: 67, 69). Féach Millett (1986: 93), áit a bhfuil tagairt do ‘Arturus O Nellus’ i bpáipéir (dar dáta 1684) a bhaineann le Deoise Ard Mhacha, agus shínigh ‘Arturus O Nellus sacerdos ex comitatu Tyronensi’ achainí Phroinsiasaigh Dheoise Ard Mhacha, 1670-1 (Campbell 1992: 194).

2.199. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, *fl.c.1726-44*<sup>3383</sup> [? Foelix O'Neill]<sup>3384</sup>

**OCH 498.**<sup>3385</sup> Dánta le Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, Cathal Mag Ruaidhrí, graiméar Gaeilge, ‘Liodán Mhuire’, ‘An Tiomna’, ‘Laoi na mBuadh’, urnaithe, achainithe, ‘Críocha Déanacha an Duine’, Teagasc Críostaí, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Tuireamh na hÉireann’, ‘Agallamh idir Dochtúir Taulerus agus Fíorbhochtán’, ‘Agallamh an Anma agus an Choirp’ [? Do *Ruaidhrí Ó Cearbhail*].<sup>3386</sup>

Níl sa bheathaisnéis seo ach achoimre shuarach ar an obair a rinne neart scoláirí go dtí seo—Énrí Ó Muirgheasa (1916); an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh (Murray 1940: 53-4); an tAth. Cainneach Ó Maonaigh (Mooney 1955; Ó Maonaigh 1965), an tAth. Cuthbert Mhág Craith (1980); agus, ar ndóigh, an Caird. Tomás Ó Fiaich (1957; 1972; 1973)—an chéad duine a cheangail scríobhaí na lámhscríbhinne seo leis an Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, ‘croí na féile’. Tugtar cuid mhaith eolais sa bhreis air sin in Ó Fiaich (1974: 302-4), agus in Henry (2013: 75-6).

Ós rud é go bhfuil plé déanta ar an duine seo cúpla uair cheana féin, agus na húdair uilig ag tógáil ar shaothair a chéile—agus ós rud é go nglactar leis gurbh aon duine amháin scríobhaí na lámhscríbhinne seo, agus an sagart beoga a ndearnadh a chomóradh i ndánta le Séamus Mac Cuarta, Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin, agus le

<sup>3383</sup> Maidir leis an dáta 1724 a luann Ó Fiaich (1972: 248-9; 1973: 75), féach nótaí 1368, 3392 thíos.

<sup>3384</sup> Féach an tagairt as na *Louvain Papers* a thugtar i nóta 3401 thíos.

<sup>3385</sup> Níl dáta in Ó Fiaich (1957), ach luaitear 1723 mar dháta leis an lámhscríbhinn (a thugtar faoin teideal Chic[ago] D3) in Ó Buachalla (1975-6: 302, 306; 1977: 101, 107). Theip orm an dáta sin a aimsiú sa lámhscríbhinn.

<sup>3386</sup> Is soiléir ó na colafoin a cuireadh leis an lámhscríbhinn ar lgh 63—ina ndéantar trácht ar an ‘sealbhaire’; agus 106—áit a ndéanann an scríobhaí tagairt ‘da charuid ionmhuin’—gur scríobhadh OCH 498 do dhuine éigin, ach níl nóta deimhnitheach áit ar bith sa lámhscríbhinn. Sa cholafon fada ar lch 63, rud atá i gcló in Ó Fiaich (1957: 266), déantar trácht ar Shéamus Ó Raghallaigh éigin, ach ní féidir a bheith cinnte gurbh é pátrún na lámhscríbhinne é. I lár an tráchtais ghradaí atá sa lámhscríbhinn, díreach i ndiaidh na samplaí d’úsáid na délitreach *ai* sa Ghaeilge (lch 24), ghraf an scríobhaí na focail loma, ‘a Rughraidhe Ui Cearbhúill’, agus is dócha gurbh eisean an pátrún dár scríobhadh an leabhar. Rud eile, bhí an scríobhaí iontach tinn; féach a nóta ar lch 145, a priontáladh in Ó Fiaich (1957: 267) agus go nua i gCaib. 1.3, colafon 115.

hArt Mac Cumhaigh—b’fhéidir nár mhiste na taifid a leagan amach go cruinn, agus an t-adhmad a bhain na scoláirí thuas astu i dtaobh an Ath. Feidhlimidh Ruadh a phlé ó bhonn. Roinntear na taifid ina gceithre chuid, **A – D**, de réir a gcineáil, agus déantar plé orthu beag beann ar a chéile ar dtús. Dhírigh an chuid is mó den phlé a rinneadh ar an Ath. Feidhlimidh Ruadh go dtí seo ar an sagart a luaitear faoi **A** agus **B** thíos a aithint leis an bProinsiasach a thugtar faoi **C<sub>4</sub>** anseo.

(**A**) An tAth. Feidhlimidh Ó Néill, nó Feidhlimidh Ruadh dhánta Airt Mhic Cumhaigh

Cé gur dhuine beo, beoga é an tAth. Feidhlimidh Ruadh i ndán Thoirdealbhaigh Uí Chearbhalláin,<sup>3387</sup> a chuaigh d’éag é féin ar an 25 Márta 1738, bhí sé marbh agus curtha faoin am ar thosaigh Art Mac Cumhaigh a scríobh faoi.<sup>3388</sup> Ar an drochuair, is

<sup>3387</sup> Tá an dán seo, *Gluaisfidh mé feasta suas insan aistear*, in eagar in Ó Máille (1916: 113-14), agus in Mhág Craith (1967: 306-7); agus tugtar nótaí breise air in Ó Máille (1916: 276-7), agus in Mhág Craith (1980: 273-5). Tabhair faoi deara an ceartúchán atá le déanamh ar l. 8 (.i. 1h) i leagan Uí Mháille (1916), mar a deirtear in Mhág Craith (1980: 275); léitear anseo ‘an tsláinte úd Fheidhlimidh Ruaidh’.

<sup>3388</sup> Seo na sleachta, mar a thugtar iad in Ó Fiaich (1973):

(a) *A mhic Éamoinn Ruaidh, a shadharclann an tsluaigh*, dán ar an Ath. Séaghan Ó hAnluain.

ll. 5-6 ‘Bhí an tír seo faoi ghruaim, is gan dúil lenár bhfuascailt,  
Ó cuireadh sa tuamba mac Aodha Buí Uí Néill, ...’ (Ó Fiaich 1973: 94).

(b) *A Airt Óig Uí Néill, a shadharclann is glaine cáil*, dán a scríobh Art chuig Art Óg Ó Néill (c.1743-1769), ag gearán faoin Ath. Ó Coinne, a dhíbir Art Mac Cumhaigh ón bparóiste.

ll. 9-16 ‘A phlanda úir na féile, ó Fhéilim an eochair ghráidh,  
D’fhoscladh croí na n-éiriceach mar Élias na leabhar bán,  
’S nach mbraithfeadh duisín déirce, nó ré-chiseán líonta lán,  
I dtús nó i ndeireadh féile nó aige éisteacht in aimsir Cháisc,  
Mar Mhaoise ’triall ón Éiphte tráth séideadh na tonna i dtraigh,  
Ar fuagrath comhachta Dé atá i néaltaibh na bhflaitheas ard,  
Ach ’sé a bhás a d’fhág faoi léan sinn aige sréadaí na n-iomad cáin—  
Mac Naois Uí Choinne, maor na gcloigín, dár mbuaireamh gach lá’. (Ó Fiaich 1973: 97).

ll. 21-2 ‘Dá maireadh as an luaithrigh sin go nua ar ais i geríoch mar ghnáth,  
An tAthair Féilim ar dtús ag scrúdú na salm sámh, ...’ (Ó Fiaich 1973: 98).

(c) *Tá ribíní daite ar gach páiste istír*, aoir ar Mháire Chaoch, deirfiúr an Ath. Uí Choinne. Sa bhéaloideas amháin, agus ní i lámhscríbhinní, a fuarthas an dán gear seo.

ll. 21-4 ‘’Sé mo dhíomá mac Aodha Buí bheith sparrtha i gcré,  
’S gan aon ar bith diongbháil le fáil ’na dhéidh;  
’Sé a shíneadh faoi liag a d’fhág cách faoi léan,  
’S d’fhág aoibhneas istír aige Máire Chaoich’. (Ó Fiaich 1973: 110).

(d) *Ag cuan Bhinn Éadain ar bhruach na hÉireann*, an dán ar a dtugtar ‘Aisling Airt Mhic Cumhaigh’.

ll. 25-8 ‘Adúirt an néamhainn gur tráth damh éirí,



doiligh dáta cruinn a chur leis an gcuid is mó de na dánta seo. Deirtear i bhfeartlaoi Airt Óig Uí Néill (c.1743-1769) go raibh reilig an Chreagáin tar éis muintir Néill uilig, nach mór, a shlogadh, ‘croí an Athar Feidhlimidh’ ina measc. Fágann sin, mar a luadh na mílte uair roimhe seo, go gcaithfidh sé go bhfuair an tAth. Feidhlimidh Ruadh bás am éigin roimh 1769, agus i bhfad roimhe sin, is dócha, agus gur adhlacadh sa Chreagán é. D’éirigh le Cuthbert Mhág Craith (1980: 275, 280-2) an amlíne seo a bheachtú píosa, tharla go ndúirt Art Mac Cumhaigh i ndán a chum sé ar Shéaghan Ó hAnluain gur bhain sé, an uair a tháinig sé chun na comharsanachta, an ghruaim de mhuintir an Chreagáin, an ghruaim a bhí orthu tar éis bhás an Ath. Feidhlimidh Ruadh. Gairdian coinbheinte a bhí ann an uair sin, de réir an dáin. Toghadh Séaghan Ó hAnluain amháin mar ghairdian in Ard Mhacha in 1748, 1754, agus 1755, agus duine eile, dar le Mhág Craith (1980: 282), sa bhliain 1770, agus sna blianta a lean sin. Cé go bhféadfadh sé go gceapfaí gur ag moladh an dara Séaghan anseo a bhí Art, timpeall na bliana 1770, ó b’in an tréimhse ba bhisiúla ina shaol, is é is dóichí go raibh Art ag tagairt don Ath. Ó hAnluain a ceapadh sa phost sin den

---

Is cónaí a dhéanamh fán chóige úd thíos,  
 Mar a raibh an tAthair Féilim arís in éifeacht,  
 Ag teagasc daonnacht mar chóir don tír, ...’ (Ó Fiaich 1973: 112).

(e) *Tar éis mo shiúil fríd chúigibh Éireann*, marbhna Airt Óig Uí Néill, a fuair bás mí an Mhárta 1769, in aois a 26 bliana.

ll. 61-4 “‘A Chreagáin na húire, lubhra is léan ort,  
 Is faoi do choim tá na prionsaí tréitheach,  
 Tugadh mac Éinrí ’s níon Uí Néill dhuit,  
 Cáitlín, níon Aodha Buí, ’s croí an Athar Féilimidh,  
 Tugadh dhuit Eoghan mac Airt Óig, ’s a chéile,  
 Is dar liom ba leor do do lóistín an méid sin.’” (Ó Fiaich 1973: 120).

ll. 115-20 “‘Bás Fhéidhlimidh Ruaidh, monuar, do bhuaire mé,  
 Mo bhuabhall milis chun teagasc shliocht Fénius,  
 Fuair ón Phápa grádha na cléire,  
 Thoir sa Róimh ar ór-chnoc Céphas,  
 Mar Dháibhí an rí, bhí a chroí ’s a chéadfaí  
 Ag díbirt diabhal ’s ag rialú cléire.’” (Ó Fiaich 1973: 122).

ll. 229-34 ‘Tá clann d’athar faoi ghruaim ó d’fhuaraigh tú i gcré uathu,  
 Mailsigh ar uaigneas, ’s í ’cruaidh-ghreadadh méar lag,  
 Bríd i dtír Dhúin ’s gan dúil aici i bpléisiúr,  
 Neillí, an ná is óige, thug ró-shearc a cléibh duit,  
 Einrí gan chuallaí ’n-am suaircis na dtréanfhear,  
 Is níon Fhéilimidh Ruaidh naoi n-uaire níos buartha’ (Ó Fiaich 1973: 125).

chéad uair sa bhliain 1748, óir ní féidir gur mhair an tAth. Feidhlimidh Ruadh i bhfad i ndiaidh na 1740í, nó bheadh aithne mhaith ag Art air, ach ní féidir ach oiread gur chum Art an dán sa bhliain 1748 féin.<sup>3389</sup> Más fíor an méid sin, thig linn a rá go raibh an tAth. Séaghan Ó hAnluain ina chineál de chomharba ar an Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, agus gur cailleadh an tAth. Feidhlimidh Ruadh go gairid roimh an mbliain 1748.

Caithfidh sé go raibh an tAth. Feidhlimidh Ruadh ina shagart oirnithe faoi c.1726, nuair a cumadh dán, *A mhacaoimh a théid a lasadh do léinn*, dá dheartháir Toirdhealbhadh Ó Néill (c.1692-1748), ina ndeirtear go raibh ‘pearsa den gcléir’ muinteartha leis sa véarsa a dhéanann trácht ar a dheirfiúr, Caitilín nó Cataí.<sup>3390</sup>

---

<sup>3389</sup> A chruthú sin, measaim—a bhuí lenar bhailigh Mhág Craith (1980: 275, 280-2) i dtaobh an dáin: más féidir rud amháin a rá faoi dhánta Airt le muinín, ó thaobh chúrsaí ama de, is ea go raibh an tAth. Feidhlimidh Ruadh marbh nuair a thosaigh sé a chumadh filíochta. Más fíor go bhfuair Art bás sa bhliain 1773, tuairim is 34 bliana d’aois, agus nach raibh an tAth. Feidhlimidh Ruadh marbh ach seal gairid sa bhliain 1770, nuair a ceapadh an ‘dara’ Séaghan Ó hAnluain ina ghairdian, caithfidh sé go raibh an-aithne aige air. Bhí an tAth. Feidhlimidh Ruadh marbh faoin am ar cailleadh Art Óg Ó Néill (c.1743-1769), agus píosa maith roimhe sin. Is ar an tuiscint go bhfuil fíre i gcaint Airt Mhic Cumhaigh a deirtear sin; is féidir, gan amhras, go bhfuil sé ag moladh Shéaghan Ó hAnluain na bliana 1770, agus nach bhfuil sa chaint ar an Ath. Feidhlimidh Ruadh ach dóigh leis an Ath. Ó hAnluain a mholadh. Níorbh annamh d’Art, dá fheabhas é, a bheith ag dul siar ar sheanscéal ionann is gur tharla sé an lá cheana, ar ndóigh.

Ní mór féachaint ar dháta breithe Airt arís, más mian linn a áiteamh gur sa bhliain 1748 féin a cumadh an dán, ach d’fhan an tAth. Séaghan Ó hAnluain in Ard Mhacha go dtí 1754 ar a luaithe, agus is féidir gur scríobhadh an dán seo thart ar an am sin.

<sup>3390</sup> Tugtar Séamus Mac Cuarta mar údar i gcúpla lámhscríbhinn, cé nár áirigh Ó Gallchóir (1971) an dán é féin lena chuid saothar. Ar an líne thíos a bunaíodh an dáta, c.1726,

ta *seacht mbliadhna déag*, a Thorrdhealbhuidh Í Néill,  
o chaith tú do léim uainne; ...

óir is eol dúinn go ndeachaigh Toirdhealbhadh Ó Néill isteach san arm mar dhalta in 1709 (Ó Fiaich 1973: 162). Is dearbh gurb é an duine céanna é Toirdhealbhadh Ó Néill an dáin agus deartháir an tsagairt, tharla go dtugtar ‘A mhic Aodh’ bhuidh mhic Airt ...’ air áit amháin sa dán. Seo an sliocht a thagraíonn go díreach do dheartháir Thoirdealbhaigh, an tAth. Feidhlimidh Ruadh, mar a dúradh cheana, agus dá dheirfiúr, Caitilín, ar a dtugtar Cataí anseo,

A mhacaoimh na n-éacht, as brollach Í Néill,  
do dhibhall [? ghabhal] na bhfréamh úasal;  
ta *pearsa* don ccléir, is ionann is tu féin,  
a n-atuirse do dhéigh grúama;  
agus Catidh fa léan, i ndochair is i bpéin,  
a’ frasghul da cáorghrúaidhibh;  
’s go nglacadís aráon, faoi fhlaithes mur spre,  
amharc no rádharc úaire ort.

(B) An tAth. Feidhlime Ó Néill, pátrún ARÉ 24L18 (b) (128)

Is leor an ginealach a thugtar in ARÉ 24L18 (b) (128) le dearbhú gurb ionann A agus B, nó is éard a deirtear sa lámhscríbhinn, gur scríobh an tAth. Cormac Mac Cuan, sagart ón dúiche thart ar Chill Shléibhe, í d'Fheidhlime Ó Néill mac Aodha Buidhe<sup>3391</sup> mhic Airt mhic Aodha Buidhe mhic Thoirdhealbhaigh mhic Énrí sa bhliain 1734;<sup>3392</sup> fionn-dubh-ó le hArt Mór Ó Néill (*ob.*1616) ab ea é an Toirdhealbhadh mac Énrí seo,<sup>3393</sup> rud a thaispeánann go críochníuil dúinn, ní hamháin gur de Mhuintir an Fheadha é an pátrún seo,<sup>3394</sup> ach gurb é an tAth. Feidhlimidh Ruadh (A) é a bhfuil cáil air, tharla é a bheith luaite ag Art Mac Cumhaigh agus filí eile ina gcuid dánta. Cathleen Magennis, iníon Art Magennis agus Catherine McDonnell, a bhí ar mháthair an Ath. Feidhlimidh Ruadh (Ó Fiaich 1974: 302). Féadtar dáta a bhreithe a shuíomh idir na blianta 1675 agus 1700, óir rugadh deartháir leis, Toirdhealbhadh, tuairim na bliana 1692, agus tháinig mac lena dheirfiúr Caitilín ar an saol sa bhliain 1720 (Ó Fiaich 1973: 75). Ba dhóigh le hÓ Fiaich (1973: 147) gur rugadh an tAth. Feidhlimidh Ruadh tuairim na bliana 1790. Is éard atá i gcuid (a) den lámhscríbhinn chéanna, roinnt mhaith de na seanmóirí cáiliúla a chuir Ó Maonaigh (1965) in eagar, agus a leagtar ar an Ath. James Pulleine (*ob.c.*1776) ó Cho. an Dúin, de ghnáth.

---

Léiríonn sé seo gur oirníodh an tAth. Feidhlimidh Ruadh roimh c.1726. As LB Add. 34119, ff. 160-2, a baineadh na sleachta seo, lámhscríbhinn mhaith dhea-scríofa a ghráf Labhrás Mhac Con Allaidh sa bhliain 1765.

<sup>3391</sup> Leanaim nós Uí Fhiaich (1973), agus na lámhscríbhinní, anseo gan séimhiú a mharcáil ar an aidiacht seo i ndiaidh *Aodha (gin.)*, ós é sin an nós imeachta a bhí ag an Ath. Cormac Mac Cuan—a bhí comhaimseartha leis an Ath. Feidhlimidh Ruadh—sa cholafon a chuir sé le ARÉ 24L18 (b) (128), lch 182.

<sup>3392</sup> Pléadh dáta na lámhscríbhinne seo sa chuntas ar an Ath. Cormac Mac Cuan i gCaib. 2.60 thuas; féach nóta 1368. Tugtar faoi deara gur mheas an Caird. Ó Fiaich (1957: 264) tráth gur scríobhadh í sa bhliain 1724, agus tugann sé 1724-44 mar *floruit* don Ath. Feidhlimidh Ruadh san alt céanna; ach caithfidh sé gur léigh sé ceartúchán éigin air sin, nó gur scrúdaigh sé an lámhscríbhinn, óir tá 1734 mar dháta aige in Ó Fiaich (1973: 147). D'fhág sé an *floruit* mar a bhí sna ginealaigh, áfach; féach Ó Fiaich (1972: 248-9; 1973: 75).

<sup>3393</sup> Is é sin, an dá dubhó lena chéile.

<sup>3394</sup> Féach na ginealaigh áisiúla a thugtar in Ó Fiaich (1972: 248-9; 1973: 75), agus in Henry (2013: idir 52-3).

(C) An tAth. Feidhlim (*al.* Phelim, Felix) Ó Néill, O.F.M.

Sonraíonn Mhág Craith (1980: 274 *n.1*) ceathrar cléireach a thagann chun solais i mbillí caibidle na bProinsiasach ag deireadh na 17ú hAoise agus go luath san 18ú hAois; bhí an toradh céanna, beagnach, ar anailís a rinne Mooney (1955) ar na billí roimhe sin, ach amháin gur lig sé thairis **C<sub>2</sub>**,

**C<sub>1</sub>**. An tAth. Feidhlim Ó Néill nó Felix O’Neill (*fl.*1678-81, srl.), an té a raibh páirt aige i mbás an Ard-Easpaig Oilibhéar Pluincéad, agus a fuair íocaíocht ón Rúnseirbhís. Ní ceist dúinn go raibh sé léannta go leor; bhí an Laidin ar a thoil aige. Bhíothas á cheapadh lá den saol gurbh ionann eisean agus **A**,<sup>3395</sup> ach léirigh Ó Fiaich (1955) gur mhac le Sir Phelim O’Neill a bhí ann, agus is féidir fáil réidh leis anseo.

**C<sub>2</sub>**. An tAth. Feidhlim Ó Néill (*fl.*1687), a bhí ina ghairdian i gClaonadh sa bhliain 1687. Níl a dhath ar bith ar eolas faoi, ach tá sé soiléir gur féidir eisean a fhágáil as an áireamh, mar a dúirt Mhág Craith (1980: 274 *n.1*), óir is dócha gur rugadh **AB** thart faoin am sin.

**C<sub>3</sub>**. An tAth. Feidhlim Ó Néill (*ob.c.*1733), sagart Proinsiasach eile murab ionann é agus **C<sub>2</sub>** (Mhág Craith 1980: 274 *n.1*), a cailleadh idir Caibidlí na mblianta 1733 agus 1735, ag ar fógraíodh a bhás. Má chloítear leis gurbh ar an 22 Deireadh Fómhair 1734 (ní 1724) a críochnaíodh **ARÉ 24L18 (b) (128)**,<sup>3396</sup> is maith is féidir go raibh **C<sub>3</sub>** marbh cheana féin faoin am ar scríobhadh an lámhscríbhinn sin. Ar ndóigh, ní haon chruthú foirmeálta é sin nach ionann **AB** agus **C<sub>3</sub>**.

**C<sub>4</sub>**. An tAth. Feidhlim Ó Néill (*fl.*1733-44). Is féidir cúpla rud a rá faoin duine seo: ní raibh sé ina shagart le fada, is dócha, nuair a luadh den

---

<sup>3395</sup> Féach, mar shampla, Murray (1933: 86), agus an plé a dhéantar ar **C<sub>1</sub>** in Curtayne (1953).

<sup>3396</sup> Féach nóta 1368 thuas.

chéad uair é i mBille Caibidle na bliana 1733, óir ba ag an gcaibidil sin a fuair sé cead faoistin a éisteacht, agus ceapadh ina ghairdian é ar an tSraith Bhán an bhliain chéanna. Bhí an duine seo ina ghairdian ar Dhún Geanainn in 1735 agus in 1736,<sup>3397</sup> agus is é an t-amharc deiridh a fhaigheann muid air é a bheith ina ‘ffryar’ i gCo. Thír Eoghain, sa bhliain 1744 (Burke 1914: 290). Réiteodh sé sin le **AB**, a cailleadh, más fíor, go gearr roimh 1748.

Ba leasc le Mooney (1955: 79-80) **A** agus **B** a cheangal lena chéile, fiú, ach tháinig athrú meoin air ina dhiaidh sin; rinne Ó Fiaich (1973: 147) scéal deimhin de gurbh aon duine amháin **AB** agus **C<sub>4</sub>**, agus bhí an tuairim chéanna ag Mhág Craith (1980: 274 *n.1*, 275). Tá gach cuma ar an scéal go raibh an ceart acu, óir is deimhin nach ionann **AB** agus **C<sub>1</sub>** ná **C<sub>2</sub>**, agus ní dócha go bhféadfaí é a cheangal le **C<sub>3</sub>**. Dar le Cainneach Ó Maonaigh (1965: xi), agus é ag scríobh deich mbliana i ndiaidh dó an chéad alt a luadh thuas a chur i gcrích, ‘is beag nach bhfuil sé cinnte’ gurbh aon duine amháin iad **ABC<sub>4</sub>**. Abraimis, mar sin, gurbh aon duine amháin iad **AB** agus **C<sub>4</sub>**, go dtiocfaidh aon rud inár dtreo a rachadh ina choinne sin.

#### (D) Feidhlim Ó Néill, scríobhaí OCH 498

Cé nach mbacann scríobhaí na lámhscríbhinne seo le ginealach a thabhairt dúinn, thaispeáin Ó Fiaich (1957: 263) go sásúil, mar gheall ar an ábhar atá inti, go raibh baint an-láidir ag an lámhscríbhinn seo, a cuireadh le chéile sa Tuaisceart, leis na Proinsiasaigh. Shínigh beirt eile í a dtagann a n-ainmneacha aníos sna billí caibidle:

---

<sup>3397</sup> Scríobh an tAth. Lorcán Ó Muireadhaigh (Murray 1940: 53) go raibh sé ina mháistir nóibhíseach i nDomhnach Mór fosta, ach theip ar Ó Maonaigh (1965: xii), a bhí ina shaineolaí ar stair na mBráthar Mionúr, rud ar bith a aimsiú a dheimhneodh seo. Ar an lámh eile, bhí rochtain ag an Ath. Ó Muireadhaigh ar pháipéir stáit a scriosadh in 1922, agus is féidir go bhfuair sé tuairisc éigin iontu chun na críche sin.

James Bermingham a chuir a ainm léi in 1736 agus in 1737; agus William Kelly. De réir na mbillí seo, fuair an bheirt Phroinsiasach darbh ainm sin bás go gairid roimh an mbliain 1745 (Ó Fiaich 1957: 264). Cé go bhfuil faisnéis lom ag teastáil a dhearbhódh gurb ionann **ABC<sub>4</sub>** agus **D**, is féidir glacadh le hargóintí Uí Fhiaich (1957: 263-4), ós rud é (1) gurb eol dúinn gur Phroinsiasach an tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill; (2) go raibh léamh na Gaeilge aige; agus (3) spéis aige i lámhscríbhinní, óir scríobh an tAth. Cormac Mac Cuan lámhscríbhinn dó.

Chonaic muid cheana gur oirníodh an tAth. Feidhlimidh Ruadh roimh c.1726, mar gheall ar an tagairt úd i ndán Shéamuis Mhic Cuarta, má ba eisean a chum. I gceann de na dánta a scríobh Art Mac Cumhaigh ar mhuintir Néill, marbhna Airt Óig Uí Néill, luann sé go ndearnadh sagart den Ath. Feidhlimidh Ruadh sa Róimh,

Bás Fheidhlimidh Ruaidh, monuar, do bhuaire mé,  
Mo bhuabhall milis chun teagasc shliocht Fénius,  
Fuair ón Phápa grádha na cléire,  
Thoir sa Róimh ar ór-chnoc Céphas, ...<sup>3398</sup>

Ní ceist dúinn gur caint mheafarach<sup>3399</sup> atá sa tagairt don Phápa agus d'Ór-Chnoc Céphas (Ó Fiaich 1973: 164; Mhág Craith 1980: 274), agus ardaíonn sé sin ceist eile—má bhí fonn ar Art cuma tharraingteach a chur ar scéal a oirnithe, cá bhfios dúinn nach cuid den chumadóireacht seo an tagairt don Róimh? Ní mór an gar dúinn na taifid oirnithe féin, dar an leabhar, cé go bhfuil siad iomlán, agus go bhfuil cláir na mblianta 1698-1759 curtha in eagar ag Fenning (1996). Níl ach trí thagairt iontu do shagairt dar shloinne Ó Néill a fuair grádha na cléire ann idir 1700 agus 1726; oirníodh sagart eile, bráthair d'Ord San Doimínic darbh ainm John O'Neill sa bhliain 1754. Is dóigh gurb iad a gcuid céadainmneacha rialta seachas saolta (.i. ainmneacha

<sup>3398</sup> Ó Fiaich (1973: 122). Tá na línte seo i gcló cheana i nóta 3388 thuas, sliocht (e).

<sup>3399</sup> Dar leis an gCair. Ó Fiaich (1973: 164), thug Art an mhóitíf seo leis as 'An Síogaidhe Rómhánach'. Féach l. 6 den dán, 'annsa Róimh ar órchnoc Céphas' (O'Rahilly 1952: 18).

baiste) a thugtar anseo, agus b'annamh a cloíodh leo ar fhilleadh abhaile do na bráithre sa tréimhse sin,

O'NEILL, Dominic Eugene OP. *Sub-Diaconate*. 7 June 1721. *Diaconate*. 20 Sept. 1721. *Priesthood*. 4 Apr. 1722. *Ordaining bishop Baccari*.

O'NEILL, Francis OFM. *Tonsure, Ostiarius [= Porter] and Lector*. 27 Mar. 1723. *Exorcist and Acolyte*. In the internal church of the *Congregation of the Mission*. *Sub-Diaconate*. 22 May 1723. *Diaconate*. 18 Sept. 1723. *Priesthood*. 10 June 1724. *Ordaining bishop Baccari*.

O'NEILL, Hugh. Irish College. *Tonsure, Ostiarius [= Porter] and Lector*. 20 Dec. 1704. *Exorcist and Acolyte*. 1 Feb. 1705. In the upper chapel of the *Congregation of the Mission* at Monte Citorio. *Ordaining bishop de Zaoli*.<sup>3400</sup>

Is é an dara duine acu seo an té is fearr a théann leis an eolas atá againn, mar a scríobh Henry (2013: 76 n.113) cheana féin, ach ní fios dúinn cén t-ainm a ghlac Feidhlimidh Ruadh nuair a chuaigh sé isteach san Ord; níor bhain sé leas as nuair a d'fhill sé ar Éirinn. Deir Ó Fiaich (1973: 147) go raibh sé i Lobháin sa bhliain 1729. Sna *Louvain Papers* a fuarthas an tagairt seo do fr Foelix O'Neill, sacerdos, a shínigh teistiméireacht ar an 4 Feabhra 1729.<sup>3401</sup>

Tráchtann Henry (2013: 75-6) ar ghinealach Fheidhlimidh Ruaidh Uí Néill i gcomhthéacs na mairgne a cheap Art Mac Cumhaigh ar Art Óg Ó Néill (c.1743-1769), mac le Domhnall Ó Néill (*ob.c.1773*) agus Bríd [Ní Néill] (*ob.c.1798*),

The long poem makes it clear that Art was descended from the O'Neills of the Fewes saying 'An croí ler thit fuil cheart Uí Néill ann' ... However the poem reveals little about the ancestry of his parents and that has been the subject of some speculation ... If Daniel was not of the Fewes line, could the connection be through Bridget? The poet Art Mac Bionaid believed so. ... The line is a surprising one...<sup>3402</sup>

<sup>3400</sup> Fenning (1996: 45). Scaoil mé na giorrúcháin mar a dhéanfaí i gcás lámhscríbhíne.

<sup>3401</sup> Sin Cáipéis 532, teistiméireacht ar an Ath. Bonaventure O Donell, a scríobhadh i Lobháin an 4 Feabhra 1729. Féach Jennings & Giblin (1968: 394-5), mar a bhfuil eagrán iomlán di. B'fhiú cuimhneamh air, áfach, go bhfuil mic-chléirigh darbh ainm Felix O'Neill ainmnithe i dtaifid an choláiste, agus bhí duine amháin acu—arbh as Co. Thiobraid Árann dó .i. *Tiprabiensis*—ag freastal ar an gcoláiste idir 1720 agus 1721 (Nilis 2006-7: 178); ní éasca a bheith deimhnitheach de, mar sin, gurb é an tAth. Feidhlimidh Ruadh seo againn atá i gceist anseo.

<sup>3402</sup> Henry (2013: 75).

Soláthraíonn Henry (2013: 75), mar thacú leis sin, cóip de ghinealach Airt Óig Uí Néill a fuair sé istigh le páipéir Énrí Uí Mhuirgheasa, áit a ndeirtear gurbh iníon í Bríd le Feidhlimidh Ruadh Ó Néill mac Aodha Buidhe mhic Airt mhic Aodha Buidhe mhic Thoirdhealbhaigh mhic Énrí, srl., srl. Is follas ón méid den ghinealach a tugadh anseo gur féidir an Feidhlimidh Ruadh seo a cheangal leis an Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill dár scríobhadh ARÉ 24L18 (b) (128) sa bhliain 1734, agus le **ABC<sub>4</sub>D**, ar an ábhar sin. Luann Henry (2013: 75 n.109) fosta nach raibh ach cóip nua-aoiseach den ghinealach ar a ghar, agus gur tugadh le fios inti gur baineadh í as lámhscríbhinn éigin de chuid Airt Mhic Bhionaid. Má ghlacann muid leis go bhfuil an ginealach seo ceart, agus gur rugadh an tAth. Feidhlimidh Ruadh c.1690 (ar an tuiscint gur rugadh a dheartháir, Toirdhealbhadh, c.1692), is féidir linn dáta breithe Bhríde a shuíomh go garbh sa tréimhse idir c.1710 agus c.1723, óir rugadh a mac, Art Óg, c.1743. Mar mhíniú ar an scéal sin, luann Henry (2013: 76) dhá fhéidearthacht: (a) gurbh í Bríd an fáth a ndeachaigh an tAth. Feidhlimidh Ruadh isteach san Ord an chéad uair,<sup>3403</sup> nó (b) gurbh iníon dhlisteanach leis í Bríd, agus gur chinn an tAth. Feidhlimidh Ruadh ar dhul isteach san Ord tar éis dá bhean chéile bás a fháil.<sup>3404</sup> Ní féidir cur le ceann ar bith den dá thuairim sin, ach má fuair Art Mac Cumhaigh de neart ann féin a fhoilsiú ina dhán gur d'fhuil 'cheart' Uí Néill é Art Óg, agus gurbh iníon le Feidhlimidh Ruadh í Bríd, bheadh tuairim agam gurb é is dóichí gurbh iníon dhlisteanach leis an gcléireach í Bríd.<sup>3405</sup>

---

<sup>3403</sup> Tuairmíonn Henry (2013: 76 n.113) gur féidir go bhfuil an tAth. Feidhlimidh Ruadh le ceangal leis an Francis O'Neill a oirmíodh sa Róimh sa bhliain 1724. Rinneadh plé air sin i gcorp an chuntais seo.

<sup>3404</sup> Má bhí bean ag an Ath. Feidhlimidh Ruadh, níl a hainm ar fáil, nó níl leid ar bith againn go raibh sé pósta riamh. Féach an méid a deir Henry (2013: 76) i dtaobh na ceiste seo: 'Ó Fiaich noted that this poem also implies that one of Art Og's ancestors was a Magennis of Iveagh and this may be a hint at the identity of Bridget's mother'. Cathleen Magennis (iníon Art Magennis agus Catherine McDonnell) a bhí ar mháthair an Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill (Ó Fiaich 1974: 302).

<sup>3405</sup> Is fíor nach dtugann Art Mac Cumhaigh cur síos soiléir ar shinsearachtaí Airt Óig sa tuireamh, ach meabhraíonn Henry (2013: 76) go luaitear sa dán go raibh 'nion Fhéilimidh Ruaidh naoi n-uaire níos



Luann Henry (2013: 76), ar an ábhar gur féidir go ndéanfaí iontas de go raibh iníon ag an Ath. Feidhlimidh Ruadh, nach raibh Art Mhac Bionaid ach tuairim is cúig bliana d’aois nuair a d’éag Bríd c.1798, agus gur féidir go bhfuil lúb ar lár éigin ann. Ní gá a bheith in amhras faoi iontaofacht na cóipe déanaí atá istigh le páipéir Énrí Uí Mhuirgheasa: tá an ginealach sin ar coimeád in dhá lámhscríbhinn de chuid Airt Mhic Bhionaid, LN G802, a scríobhadh do Roibeard Mac Ádhaimh am éigin idir 1842 agus 1850; agus COBÁC A49, a scríobhadh sa bhliain 1857. Cé nach féidir a rá go siúrálte cá bhfuair Art a chuid eolais, is cosúil gur bhain sé é as lámhscríbhinn eile, óir chuir scríobhaí eile ón dúiche chéanna an ginealach céanna ar phár sa bhliain 1792. Sin an chóip de atá in COFLA D2, agus ba é Éadbhard Ó hEachaidh ó Dhún gCuaile, Fochaird, Co. Lú, a scríobh. Ó tharla nach bhfuil an paróiste sin ach achar gearr ón gCreagán, agus ós rud é gur fhág seisean agus Donnchadh Mag Oireachtaigh cuid de na cnuasaigh is fearr atá againn de dhánta Airt Mhic Cumhaigh, is dóigh go raibh sé eolach go leor ar stair Mhuintir an Fheadha.<sup>3406</sup> Is fiú an chéad chúpla glúin den ghinealach sin a thabhairt, mar a thugtar iad i lámhscríbhinn Éadbhaird Uí Eachaidh,

[Art Óg Ó Néill]  
.i. mac Bhrighde  
inghean Fheid[h]lime Ruaidh  
mhic Aodh Buídhe  
mhic Art  
mhic Aodh Buid[h]e  
mhic Torrdhealbhaidh  
mhic Eanraidh  
mhic Feidhlime Ruaidh

---

buartha’ (féach nóta 3388, sliocht (e), l. 234); sin agus gur dóigh gur ghlac Ó Fiaich (1973: 184) leis, san innéacs a chuir sé lena eagrán de dhánta Airt Mhic Cumhaigh, gurb é an tAth. Feidhlimidh Ruadh atá i gceist anseo.

De bheis ar an méid sin, is minic nach soláthraítear eolas cruinn sothuigthe (chomh fada agus a bhaineann an scéal linn féin) i bhfeartlaoithe den chineál seo. Féach, mar shampla, an plé a dhéantar ar shinsir Fhlainn Mhic an Bhaird (ob.1743) in ‘Marbhna Fhlainn Mhic an Bhaird’. Níl an dán sin in eagar, go bhfios dom, ach tá cóipeanna de in LB Eg. 129, f. 38, agus in LB Eg. 161, f. 66.

<sup>3406</sup> Cuimhnítear air go raibh Bríd Ní Néill (bean Dhomhnaill Uí Néill) ina beatha sa bhliain 1792.

*mhic* Airt  
*mhic* Aodh  
*mhic* Eogain  
*mhic* Neill Oig  
*mhic* Neill M[h]óir.<sup>3407</sup>

**2.200. Seán Ó Néill,**<sup>3408</sup> *fl.*1827-44

[John O’Neill]

**ARÉ 23G11 (681).** ‘Foras Feasa air Éirinn’, beathaisnéis ar Shéathrún  
Céitinn. Cluain Lom, Cill Shléibhe, Ard Mhacha 1830-4.

Ó tharla go bhfuair a athair, Peter O’Neill ó Chluain Lom, bás i mí Mheán Fómhair 1830, in aois a 82 bhliain go beacht, agus gur cailleadh a mháthair, Alicia Hanlon,<sup>3409</sup> i mí Eanáir 1838 san aois chéanna, is dócha gur rugadh Seán Ó Néill am éigin idir 1780 agus 1800, nó gur rugadh an naonúr páistí a bhí ag Peter agus Alicia sna blianta sin: Owen (*fl.c.*1830-44); John .i. Seán, an scríobhaí; Felix (*ob.*1835); Henry; Judith; Alicia; Anne; Rose; agus Sarah. Adhlacadh Peter O’Neill i séipéal Chill Shléibhe (O’Donovan 1856*a*: 2424).

Tá Seán Ó Néill ar taifead in dhá liosta vótálaithe in PRONI: léiríonn an chéad cheann acu seo, dar dáta an 17 Eanáir 1827, go raibh saorghabháltas arbh fhiú daichead scilling é ar léas aige ó Powell Foxall i gCluain Lom.<sup>3410</sup> Nuair a

---

<sup>3407</sup> COFLA D2, lch 19. Tugtar an dáta 1792 ag deireadh an ghinealaigh, a stadann leis na briathra ‘*mhic* Séit *mhic* Adhamh’ ar lch 25.

<sup>3408</sup> Baineann sé leas as dhá leagan dá ainm sa lámhscríbhinn, ‘re Seáan Ô Níaiill’, lch 1; ‘re Ioin O’Níaiill’, lch 256.

<sup>3409</sup> Deir O’Donovan (1856*a*: 2424) an méid seo fúithi: ‘Alicia Ni-Hanlon, a descendant in the fifth generation from Brian O’Hanlon of Tandragee, commonly called “Colonel Brian,” ... Alicia, whom the editor saw in 1835, died January, 1838, aged eighty-two years’.

<sup>3410</sup> PRONI D/1928/F/44. Tugtar an t-eolas seo: (1) Freeholder—John O Neill; (2) Residence—Clonlum; (3) Freehold—Clonlum; (4) Landholders’ Name—Powell Foxall; (5) Value—40/-; (6) Lives—Jas (?) O Neill Pat<sup>k</sup> Colgan & Pat<sup>k</sup> Connellan; (7) Place and Date of Registry—[Ballybot 17 Jan<sup>y</sup> 1827]; (8) Observations—[ ].

Duine eile a raibh a ainm ar an rolla, James Thornton ó Chluain Lom, agus a cláraíodh i bhFoirceal an 6 Nollaig 1826, bhí tailte ar léas aige a fhad is a bhí ‘John O Neill’ beo. Is dóigh go raibh athair

reachtaíodh an Bille um Fhuascailt na gCaitliceach, i mí na Bealtaine 1829, méadaíodh na riachtanais vótála faoi chúig ó ghiota talún 40/- go saorghabháltas £10, agus ina measc siúd a dhearbhaigh idir an 13 Bealtaine 1829 agus an 18 Bealtaine 1829 i mbarúntacht na nOirthear Uacht., Co. Ard Mhacha, gurbh é a gceart vóta a chaitheamh sna toghcháin mar gheall ar luach a dtailte, bhí John O’Neill as Cluain Lom, ag a raibh gabháltas arbh fhiú £10 é, de réir mar a chreid sé féin.<sup>3411</sup> Ní dócha gur éirigh leis, ós rud é nach bhfuil sé ar taifead sa chlár gur glacadh leis an iarratas, agus níl trácht ar a ainm i liosta eile iarrthóirí a cuireadh le chéile sa bhliain 1839.<sup>3412</sup> An bhliain a bhfuair a athair bás, 1830, chuir Seán tús le ARÉ 23G11 (681), cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’, agus beathaisnéis ghearr ar an údar. Bhí sé ag gabháil di ‘idir amuibh’ go dtí an 19 Samhain 1834 ar a luaithe,<sup>3413</sup> agus is cosúil ó dhealbh na scrípte gur pheannaire cleachtaithe é Seán Ó Néill, cé go mbíonn an litriú corr ó am go chéile i gcás an ábhair Ghaeilge. Tá an pheannaireacht chomh slachtmhar sin nár cheist don té a chaithfeadh súil ar an ábhar Béarla in ARÉ 23G11 (681) gur oileadh Seán le bheith ina chléireach gairmiúil lá dá shaol; agus tá an chuma ar a shíniú Béarla, rud a thugann sé cúpla uair sa lámhscríbhinn,<sup>3414</sup> gur ghnás dó a ainm a chur le páipéir ar bhonn rialta. Chuir Seán Ó Donnabháin aithne ar Sheán, agus ar a

---

Sheáin tinn faoin am seo, nó go raibh cónaí air i dteach Sheáin sa bhliain 1827, óir ní fheicim go luaitear Peter O’Neill sna liostaí toghcháin.

<sup>3411</sup> PRONI D/1928/F/32: ‘Notices of Applications to Register Freeholders Pursuant to 10 Geo. IV. Chap. 8’. Tugtar an méid seo sa chlárleabhar, atá leagtha amach ina cholúin: (1) No.—1814; (2) Name—John O Neill; (3) Residence—Clonlum; (4) Description of Freehold, Townland in which situate—Houses and Lands Clonlum; (5) Value—[£]10; (6) No.—[ ]; (7) How disposed of at Sessions, with Date of Registry—[ ]; (8) Landlord—[ ]; (9) Observations—[ ]. De na hiarratais uilig atá ar an dá leathanach seo, níl col. (6)–(9) líonta ach i gcás dhá cheann acu. Tá cóip den liosta fada iarrthóirí seo sa *Newry Telegraph*, an 29 Bealtaine 1829.

<sup>3412</sup> Féach an *Newry Telegraph*, an 15 Deireadh Fómhair 1839.

<sup>3413</sup> ARÉ 23G11 (681), lgh XXV (an 19 Samhain 1834), 256 (an 2 Samhain 1834).

<sup>3414</sup> Shínigh sé a ainm, i mBéarla agus i nGaeilge, cúpla uair in ARÉ 23G11 (681), lgh Ia, IIIa, XXV, 256.

mháthair,<sup>3415</sup> nuair a bhí sé ag déanamh obair pháirce don tSuirbhéireacht Ordanáis;  
agus sheol sé an cuntas seo air chuig Thomas A. Larcom ar an 22 Aibreán 1835:

Mr. Bordes and I have visited Mr John O'Neill of Clonlum in Killeavy. He is a very intelligent man, and evidently of a superior and noble race. His pedigree runs thus

1. John, the son of
2. Peter, who was the son of
3. Henry
4. Owen, who fought at the Boyne
5. John, alias Shane
6. Turlogh Brasilagh
7. Hugh Boy of Benburb contemporary with the famous Hugh Earl of Tyrone

He is a very good Scholar, and profoundly skilled in the Irish Language ...<sup>3416</sup>

Mar ghar don Donnabhánach, scríobh Seán síos ainmneacha na mbailte fearainn agus eile i bparóiste Chill Shléibhe, agus tá an liosta fós ar caomhnú i measc na litreacha Suirbhéireachta a scríobhadh ó Cho. Ard Mhacha.<sup>3417</sup> Breis agus fiche bliain ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh O'Donovan (1856a: 2422-4) leagan ceartaithe den ghinealach seo, a fuair sé arís i scríbhinn ó Sheán Ó Néill idir an dá linn. Ó tharla gur chuir Seán Ó Donnabháin é féin an ginealas sin i gcomórtas leis na taifid a bhíodh i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí, is cosúil go bhfuil sé iontaofa go leor: seo an leagan leasaithe sin—Seán mac Pheadair (c.1748-1830) mhic Énrí (c.1700-1798) mhic Eoghain (c.1675-1777) mhic Shéain Óig (fl.1690) mhic Shéain mhic Fheidhlimidh mhic Thoirdealbhaigh Bhreasailigh (fl.1599) mhic Fheidhlim Chaoich mhic Coinn Bhacaigh Uí Néill,<sup>3418</sup> a ndearnadh Iarla Thír Eoghain de sa bhliain 1542.<sup>3419</sup> Deir Ó

<sup>3415</sup> Ní dhéanann Seán Ó Donnabháin tagairt do mháthair Sheáin ina litir, ach deir sé in O'Donovan (1856a: 2424) gur casadh leis í sa bhliain 1835 (féach nóta 3409).

<sup>3416</sup> ARÉ 14B12, lch 4; i gcló in Herity (2012: 165-7). 'It was', a scríobh Herity (2012: xvii), sa réamhrá a chuir sé lena eagrán de na litreacha, 'O'Donovan's good fortune to find ... Mr John O'Neill of Clonlum, who gave him 61 names, writing in a correct Irish hand ...'

<sup>3417</sup> ARÉ 14B12, lch 5½; tá pláta de chuid de in Herity (2012: 157, fig. 2).

<sup>3418</sup> Bunaíodh na leaganacha Gaeilge seo ar a bhfuil i mBéarla in O'Donovan (1856a: 2422-4).

Donnabháin (1856a: 2423) gur thit ag an mBóinn ceathrar mac le Séan Óg Ó Néill, agus go dtugtaí ‘Captain Shane’ ar Sheán Óg, a thug seirbhís faoi mhuintir Anluain ar an ármhagh an lá sin. Tá sé d’ádh orainn gur thug Seán Ó Donnabháin roinnt eolas breise faoi Sheán an scríobhaí, óna dtuigfí nach raibh páistí aige, nó mic, cibé rud é. Tugann sé beagán eolais eile faoina chuid gníomhaíochtaí thart faoin mbliain 1843,

John O’Neill of Clonlum, a clever, well-educated man, and the best Irish scholar in Ulster in 1835, when the Editor first saw him at Clonlum, and took down the line of his descent; he removed to England in 1843, and, in 1844, called frequently on the Editor, who supposes that he is now in New York...<sup>3420</sup>

Ní heol dom goidé a thug ar Sheán Ó Donnabháin tomhas a dhéanamh go raibh Seán i Nua-Eabhrac an uair a scríobhadh an nóta sin, ach is dóigh liom go bhfuair sé bás i gCo. Ard Mhacha. Níor cláraíodh é ar *Luacháil Griffith* (1864) mar áititheoir.<sup>3421</sup> Ó fágadh a chnuasach lámhscríbhinní i gCill Shléibhe tar éis a bháis, is féidir nach ndeachaigh sé thar sáile go Meiriceá, mar a mheas Seán Ó Donnabháin, nó gur fhill sé ar a bhaile dúchais sular cailleadh é. Fágadh na lámhscríbhinní i dteach a nia, [Patrick] Connellan, agus d’úsáid a bhean, Mrs. [Mary] Connellan,<sup>3422</sup> lán mála

---

<sup>3419</sup> Ó tharla nach dtéann an dá leagan go réidh lena chéile ach oiread, is dóigh go gcaithfear a bheith ar ár n-airdeall leo. Déarfainn gur dhearmad do Sheán Ó Donnabháin duine den bheirt Sheán a fhágáil ar lár ina litir, ach, ina ainneoin sin, is léir nach raibh Seán róchinnte faoin nginealach ó Sheán Ó Néill siar. Ní fios cár ghabh Aodh Buidhe Ó Néill ón mBinn Bhorb, ach is féidir go raibh Seán meallta le cambheart a bhí ag dul thart faoin am sin, ní a cuireadh i dtrácht in O’Donovan (1856a: 2422).

<sup>3420</sup> O’Donovan (1856a: 2424).

<sup>3421</sup> Is trua nach ndearnadh an tsuirbhéireacht ar Cho. Ard Mhacha faoi choinne *Luacháil Griffith* go dtí an bhliain 1864.

<sup>3422</sup> De réir a bhfuil curtha síos de dhaoine dar shloinne Connellan ar an Maigh, Co. Ard Mhacha, i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1901, agus i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1911, ní réiteodh ach aon bhean amháin leis na sonraí a thugann an tAth. Ó Domhnalláin, bean ar pósadh í breis agus daichead bliain roimhe sin, agus is beag nach bhfuil gach duine eile dar shloinne sin sa bhaile fearainn gaolta léi ar dhóigh amháin nó eile. Is í Mary Connellan í, a bhí ina baintreach agus in aois a 69 mbliana in 1901, agus in aois a 79 mbliana in 1911. Ar ábhar éigin nach dtuigim, dúradh ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1901, gur ‘boarders’ iad ceathrar eile dar shloinne Connellan a raibh cónaí orthu i dteach Mary Connellan an oíche sin, Michael Connellan, 48 mbliana d’aois; Rose Connellan, 40 bliain d’aois; Thomas Connellan, 38 mbliana d’aois; agus Hugh Connellan, 32 bhliain d’aois. Deimhníodh ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1911, gur pháistí le Mary Connellan iad Michael, Thomas, agus Hugh; ba dhearmad don té a líon an chéad daonáireamh a áiteamh gur ‘boarders’ iad. Tá mé ag brath ar theastas pósta Rose Connellan, a phós Edward Kelly ar an 19 Bealtaine 1903 (*OAC*, Cláruimhir: 1999385) maidir le hainm a hathar: Patrick Connellan a bhí air, agus ba scológ é. Níor

cairpéid díobh, lán an mhála, leis an tine a lasadh ag deireadh na 1860í. D'aithris sí féin an scéal don Ath. Lúcas Ó Domhnalláin (Donnellan 1908) go luath san 20ú hAois,

Mrs. Connellan, of Meigh, informed me that about forty years ago she used for lighting the fire the full of a large carpet bag of MSS. belonging to John O'Neill, an uncle of her husband's. She said the bag was a yard long and a yard and a half in depth, that some of the MSS. were the size of turf-sods! She told me that John O'Neill recognised no better Irish scholar than himself only John O'Donovan, and so great was his admiration for this Titan that he used to pray for the success of his labours every night.<sup>3423</sup>

Thig linn cúpla rud a léamh ar an gcuntas thuas. Sa chéad áit, bheifí ag déanamh amach go raibh aithne mhaith ag Mrs. Mary Connellan ar an scríobhaí, agus, ó tharla gur rugadh í thart faoin mbliain 1832, nár cheart do thuairim Sheáin Uí Dhonnabháin go ndeachaigh Seán Ó Néill go Meiriceá sa bhliain 1844. Rud eile—is dóigh go raibh Seán marbh nuair a scriosadh na lámhscríbhinní c.1868, agus is féidir go mór gur dhóigh muintir Connellan na lámhscríbhinní chomh gasta agus a fuair siad iad. Má ba ó Sheán go díreach a fuair siad an cnuasach sin, d'fhéadfadh sé gur leid é seo gur cailleadh Seán c.1868. Dúradh cheana nach dtráchtar ar Sheán Ó Néill ar bith a bheith ag cur faoi i gCluain Lom nó i Maigh i *Luacháil Griffith* (1864), dhá bhaile fearainn atá suite in Aontas Iúr Chinn Trá, ach tá tagairt againn do sheanfhear darbh ainm sin a cailleadh i dTeach na mBocht in Iúr Chinn Trá thart faoin am sin.<sup>3424</sup>

Fuair an John O'Neill seo bás san Aontas ar an 21 Meán Fómhair 1866, in aois a 71 bhliain,<sup>3425</sup> aois a réitíonn go maith leis an méid atá ar eolas againn faoin scríobhaí.

---

bacadh le breitheanna na bpáistí ab óige a chlárú. Theip orm teastas báis Patrick Connellan a fháil, ach bhí sé marbh sa bhliain 1901.

<sup>3423</sup> Donnellan (1908: 67); tá athchló ar na nótaí in Ó Casaide (1929e: 125).

<sup>3424</sup> Níl aon teastas báis ar fáil a théann go maith leis an eolas atá againn i dtaobh an scríobhaí.

<sup>3425</sup> *OAC*, Clárúimhir: 1866, Ráithe 3, Iml. 11, lch 640. Ní thugtar ionad cónaithe ar an teastas, ar an drochuair. John O'Neill, baitsiléar, 71 bhliain d'aois, a fuair bás in Aontas Iúr Chinn Trá an 21 Meán Fómhair 1866. Ba 'Clerk' é, de réir an teastais, agus thug meath na seanaoise a bhás.

Baitsiléar a bhí ann fosta, agus fear oilte—tugtar ‘Clerk’ mar shlí bheatha dó ar an teastas báis.

**2.201. Pádraig Ó Pronntaigh,**<sup>3426</sup> *fl.*1732-63

[Patrick Pronty]

**ARÉ 24P7 (95).** Cuid di. Cuid de ‘Coimheasgar na gCuradh’, ‘Eachtra na gCuradh’. 1761.

**ARÉ 23A10 (960).** Cuid di. ‘Bruidhean Chéise Corainn’, ‘Laoi an Deirg’, ‘Laoi an Doirn’, ‘Laoi Chonallaigh’.

**COBÁC M7.** ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ (cuid di), ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, ‘Mac na Míchomhairle’ (cuid de), ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’,

---

<sup>3426</sup> Seo scéal Mhig Uidhir (1963: 228) i dtaobh LPBF 6, sa léirmheas a scríobh sé ar Ó Buachalla (1962): ‘Aithnímhse lámh Phádraig Uí Phronntaigh ar [LPBF] VI... Ba chóir an nóta (i mBéarla) ar lch. 32 a léamh: “The foregoing were added by Patt. Lindon. Deceased”—ní “Dall Lindon” atá ann. ... Déarfainn gur scríobh Pádraig Ó Pronntaigh an LS. seo thart faoi 1735-40’. Chaith mé féin súil ar an lámhscríbhinn, agus is dóigh liom go bhfuil ceithre stíl pheannaireachta le haithint uirthi, ar scríobh triúr scríobhaithe ar leith ar a laghad iad, agus ní théann ceann ar bith acu le stíl Phádraig Uí Phronntaigh; ní chuirtear an lámhscríbhinn san áireamh anseo, mar sin. Is dóigh gur tháinig athrú meoin ar Mhag Uidhir é féin ina dhiaidh sin, nó deir sé i leabhar dá chuid, *Mag Uidhir* (1977: 57), nach féidir lámh an scríobhaí a aithint. Tá an ceart aige maidir leis an gceannteideal in LPBF 6, lch 32, áfach, rud a chruthaíonn gur breacadh mórchuid na lámhscríbhinne sin tar éis 1733. Rinne Dubhglas de hÍde, a chuir spéis ar leith in obair an scríobhaí seo, trí thagairt do lámhscríbhinní eile leis, mar a shíl sé, de bhreis ar ar cláraíodh anseo. Thig linn neamhaird a thabhairt ar an gcéad cheann acu, óir tá an lámhscríbhinn ar fáil go fóill. Is éard a dúirt Dubhglas de hÍde sa réamhrá a chuir sé lena eagrán de ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, go raibh aige, ‘... a fragment of the story in a beautiful but imperfect manuscript by a northern scribe of the last century, I think Patrick O’Prunt; but most of the pages are unfortunately lost’ (Hyde 1899: xiii). D’aithin Pádraig de Brún, *Treoir.*, 54 §229(1), gurbh í OÉG H34, lgh 133-88, a bhí i dtrácht aige anseo, agus creideann sé gur theip ar de hÍde an pheannaireacht a aithint i gceart. Scríobhaí de chuid na 18ú hAoise a scríobh í, agus tá an pheannaireacht cosúil le stíl roinnt lámhscríbhinní eile de chuid an Tuaiscirt, ach is fada ó bheith cosúil le peannaireacht fhoirfe Phádraig Uí Phronntaigh í. Scríobh Ní Mhaonaigh (1998: 26) ina brollach siúd le Hyde (1899) go raibh an lámhscríbhinn cailte an uair sin, ach chinntigh Kieran Hoare, Special Collections, James Hardiman Library, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dom go bhfuil sí ann go fóill i litir dar dáta an 31 Eanáir 2017. Tá an dá thagairt in Hyde (1906: 44) agus in Hyde (1915: 148) i bhfad níos spéisiúla, agus is féidir go bhfuil lámhscríbhinn amháin i gceist aige sa dá leabhar sin, lámhscríbhinn atá cailte anois. Ó tharla go ndeir de hÍde gur scríobhadh an lámhscríbhinn / na lámhscríbhinní atá i gceist aige sna blianta 1763 (Hyde 1906: 44) agus 1764 (Hyde 1915: 148), is dóigh go raibh colafoin inti / iontu, agus nach gá dúinn brath ar thuairim de hÍde faoin bpeannaireacht. Tá sí / siad cláraithe mar aon lámhscríbhinn amháin sa *Treoir.*, 79 §351(3). Tugtar plé ar an dá thagairt sin ag deireadh an chuntais seo ar Phádraig Ó Pronntaigh, ach tá ceisteanna fós le freagairt ina dtaobh. Dúirt Énrí Ó Muirgheasa (1976: 162) gur scríobh Pádraig Ó Pronntaigh codanna de O’Lavery N [CM L11 anois], ach is sleamhnú pinn atá i gceist anseo; is doiligh a rá goidé a thug ar Flower a scríobh gur ghráf Pádraig Ó Pronntaigh ARÉ 23K45 (46) agus ARÉ 23A25 (628), *B.M. Cat.*, ii, 119, mar a scríobh Mac Labhraí (2005: 17 *n.2*; 2013: 256 *n.2*).

‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’ (cuid di). 1732-2[3].<sup>3427</sup> Do phátrún anaithnid.<sup>3428</sup>

**COBÁC M8.** ‘Mac na Míchomhairle’ (cuid de), ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, dánta, ‘An Ceithearnach Caoilriabhach’. 1733.<sup>3429</sup>

**COBÁC M15<sup>1</sup>.\***<sup>3430</sup> Formhór di. Cuid de ‘Beatha Mhuire’, dánta le Séathrún Céitinn, Pádraig Mac a Liondain.

**CM L16(1).\*** Formhór di.<sup>3431</sup> ‘Ceasacht Inghine Guile’ (cuid di), ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, laoithe fiannaíochta, dánta le [Donnchadh Mór Ó Dálaigh], Séamus Mac Cuarta, autograif, ‘Conspóid Dhonnchaidh Mhóir Uí Labhradha agus Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’, ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’ (cuid di). 1760.<sup>3432</sup> D’Éanraoi Ó Criagáin.<sup>3433</sup>

---

<sup>3427</sup> Tugtar dhá dháta, go bhfios dom, in COBÁC M7—an 3 Deireadh Fómhair 1732 tar éis ‘Oidhe Chloinne hUisneach’; agus an 19 Eanáir 1732 faoi dhó, ag deireadh ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, agus arís ar an gcéad leathanach eile i gceannteideal ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’. Tá duilleoga in easnamh i gcúpla áit sa lámhscríbhinn, ach bheadh tuairim agam go bhfuil an t-ábhar san ord ceart a bheag nó a mhór, agus gur ceart an 19 Eanáir 1732[3] a léamh.

<sup>3428</sup> Féach an colafon in COBÁC M7, lch 37, ina n-iarrann sé ar an té ‘dar sgriobhus é’ Paidir a rá lena anam. Tugadh an colafon in Mac Labhraí (2005: 24-5; 2013: 263), a thug faoi deara go léiríonn sé go raibh Pádraig ag grafadh lámhscríbhinní do phátrúin faoin mbliain 1732.

<sup>3429</sup> Tugtar nóta gairid i láimh Phádraig Uí Phronntaigh ag bun ‘Bruidhean Bheag na hAlmhaine’, ‘Apr<sup>ll</sup> 6th: 1733’.

<sup>3430</sup> An lámhscríbhinn ar thug Ó Muirgheasa (1905b: 767 col. a) 15 uirthi, ach atá curtha óna háit cheart sa tsraith lámhscríbhinní anois. Dealraíonn sé gur cailleadh 15 i dtús áite. Nuair a fuarthas lámhscríbhinn chráifeach eile [= COBÁC M15 anois] i bpáipéir de chuid Énrí Uí Mhuirgheasa a bhí ag nia leis, Proinsias Ó Muirgheasa, sa bhliain 1974, glacadh leis gurbh í lámhscríbhinn 15 í, ach níorbh í. Tá an lámhscríbhinn a luaitear thuas, COBÁC M15<sup>1</sup> (ainm sealadach), i bhfillteán gan clárú i gneuasach Uí Mhuirgheasa. Féach nóta 10 thuas, nó Mac Labhraí (2005: 16-17; 2013: 255-6), áit a ndéantar plé fada ar an lámhscríbhinn.

<sup>3431</sup> Féach nóta 1572, áit a ndéantar plé ar na lámha atá in CM L16.

<sup>3432</sup> Rinneadh iarracht na dátaí a athrú go 1769 tríd an lámhscríbhinn, agus tá cuid de na colafoin scriosta. Fágann sé sin go dtugtar idir 1760 agus 1769 [nó 1799, an bhliain dár athraíodh an dáta áit amháin] mar dháta don lámhscríbhinn seo: féach Ó Muirgheasa (1916: 104), Ó Buachalla (1976: 88, 91), Watson (1979: 189), agus eile, mar a luaigh Mac Labhraí (2005: 15; 2013: 255-6). Tá mé deimhnitheach de go raibh an ceart aige gur scríobhadh sa bhliain 1760 í. Ní thugtar dáta in Mac Néill (1906b: 209 col. a – 210 col. a).

<sup>3433</sup> D’éirigh le Mac Labhraí (2005: 25; 2013: 263) a dhéanamh amach ó fhuíollacha na gcolafoin ar lgh 45, 173, gur bhreac Pádraig an lámhscríbhinn seo d’Éanraoi Ó Criagáin, ach ní féidir aon eolas a sholáthar faoi.



**LB Eg. 172.** Formhór di.<sup>3434</sup> ‘Mac na Míchomhairle’, rainn Bhéarla, dánta le Pádraig Mac a Liondain, Pádraig Ó Pronntaigh, Séamus Mac Cuarta, [Diarmaid Ruadh Mac Muireadhaigh], Fearghus Mac Bheatha, Niall Óg Mac Murchaidh, búrdún, ‘Conspóid Dhonnchaidh Mhóir Uí Labhradha agus Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’, iomarbhá idir Séamus Mac Cuarta agus Niall Óg Mac Murchaidh. 1759.

**LBO Ir.f.1 (a-j) (20).**<sup>3435</sup> ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ (cuid di), dánta le Séathrún Céitinn, Séamus Mac Cuarta, [Pádraig Mac a Liondain], Fearghus

---

<sup>3434</sup> Ff. 3-72b. Níl aon ábhar eile sa lámhscríbhinn, ach (a) rann a scríobh Peadar Dubh Ó Dálaigh ar f. 1; (b) nóta a scríobh Séamus Ó hArdagáin faoi Phádraig ar f. 2b; agus (c) an clár ábhair i láimh Shéamuis Uí Ardagáin ar f. 73. Féach an *B.M. Cat.*, ii, 117.

<sup>3435</sup> Cuimsíonn an lámhscríbhinn seo giotaí éagsúla (a–k) ar ghraf Pádraig Ó Pronntaigh a bhformhór, iad uilig, is dóigh, ach amháin cuid (k), a scríobhadh ag deireadh na 18ú hAoise nó sa 19ú hAois. Pléimis (a–j) amháin anseo, ar an ábhar sin. Tugtar dátaí idir 173<sup>2</sup>/<sub>3</sub> agus 1736 ar chuid acu, ach ní féidir a bheith deimhnitheach gur scríobhadh iad uilig sa tréimhse sin. Tá cuid mhaith de na bloghanna (a–j) a leagtar ar Phádraig Ó Pronntaigh thuas sínithe aige, ar an ngnáthdhóigh, ‘Pádraig Ó Pronntaigh mac Néill’, ach tugann sé leagan eile ar fad dá ainm i gcuid (i), f. 166v: ‘... ro sgríobhadh an leóghar so le Padruig Óg Ua Pronntuidh’. Mar gheall air seo, agus luaineacht na peannaireachta i gcodanna (a–j) ar an móróir, thuirimigh Ó Cuív (2001: 48) gur mhac le ‘Pádraig Ó Pronntaigh mac Néill’ é an ‘Pádraig Óg Ó Pronntaigh’ sin:

There are many variations in writing and it is possible that the volume contains work by more than one scribe. I think, however, that most of it was written by *Pádraig Ó Pronntaigh* (*Patrick Pronty*) in 1733 ... and 1736 ... for John Mac Donnell ... On f. 166v the scribal signature is *Padraig Óg Ua Pronntuidh*. He was probably a son of the first named Pádraig who describes himself as ‘son of Niall’, a description which is found in other manuscripts...

Luann sé ARÉ 24P7 (95) agus LN G457 go speisialta. Cé go dtéann sé le céill, go pointe áirithe, gur mhac le Pádraig Ó Pronntaigh an ‘Pádraig Óg Ó Pronntaigh’ sin, ní dóigh liom gur gá é. Déantar trácht ar an deacracht sin in Mac Labhraí (2005: 14; 2013: 264), agus is dóigh liom go bhfuil an ceart aige: ‘I ndiaidh mé an lámhscríbhinn seo a scrúdú, tá mé den tuairim gurb iad ranna (a) go (j) amháin a pheannaigh Ó Pronntaigh, agus gur i lámh anaithnid eile atá (k)’. An té a chaitheadh súil ar an bpláta sin as LBO Ir.f.1 (i) (20), f. 166v, atá in Ó Cuív (2003: [43]), pláta 43, agus a chuirfeadh é i gcomórtas leis na plátaí de láimh mhaith fhorbartha Phádraig Uí Phronntaigh (mhic Néill) a thugtar in Mac Labhraí (2013: 254) as CM L16(1), is dóigh go ndéarfadh sé go bhfuil bunús le tuairim Uí Chuív. Tá cuid mhaith botúin bhunúsacha sa chuid seo den lámhscríbhinn; féach, mar shampla, go scríobhann sé *leoghar* [= leabhar] ina cholafon ar LBO Ir.f.1 (i) (20), f. 166v.

Tugtar an t-eolas seo i gcolafoin LBO Ir.f.1 (a–j) (20): cuid (a), f. 36, le Pádraig Ó Pronntaigh mac Néill, gan dáta; (c), f. 103, le Pádraig Ó Pronntaigh mac Néill, an 23 Feabhra 173<sup>2</sup>/<sub>3</sub>; (d), f. 119v, le Pádraig Ó Pronntaigh, an 24 Feabhra 173<sup>2</sup>/<sub>3</sub>; (i), f. 157v, an 21 Aibreán 1736, ‘John McDonnell his book’ (an pátrún); f. 166v, ‘Chum usáide Sheathain Mhi cCónaill ... ro sgríobhadh an leóghar so le Padruig Óg Ua Pronntuidh’; f. 187, ‘... for the use of John Mac Donnell by me Patrick Pronty, May 14th, 1736’. Ar an ábhar go bhfuil cuid mhaith athruithe sa script, agus gur beag difear a léifí ar pheannaireacht chuid (i) agus cuid de na leathanaigh in (a), (c), atá sínithe ag ‘Pádraig Ó Pronntaigh mac Néill’, is doiligh a bheith sásta gur scríobh beirt ar leith darbh ainm Pádraig Ó Pronntaigh na codanna (a–j), sa dóigh gurb é is dóichí gur scríobh duine amháin darbh ainm sin iad uilig.

Scríobhadh an chuid is mó den lámhscríbhinn seo idir na blianta 173<sup>2</sup>/<sub>3</sub> agus 1736, na blianta inar scríobhadh na hiarrachtaí is sine atá againn ó láimh Phádraig. Ag cur na gcodanna éagsúla de LBO Ir.f.1 (a–j) (20) i gcomórtas le COBÁC M7 agus COBÁC M8, ar scríobh Pádraig Ó Pronntaigh mac Néill iad idir na blianta 1732 agus 1733, tchíonn muid go bhfuil na tréithe peannaireachta céanna sa

Mac Bheatha, amhrán, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Ceasacht Inghine Guile’,  
‘Buidhean Bheag na hAlmhan’, laoithe fiannaíochta, ‘Comhairle Mhic  
Clámha’. 173<sup>2</sup>/<sub>3</sub>-6. Do *Sheán Mac Dhomhnaill*.<sup>3436</sup>

**LN G190.**† Cuid di.<sup>3437</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’ (cuid den bhrollach agus na  
ginealaigh).

**LN G457.** Formhór di.<sup>3438</sup> ‘Imtheacht na Tromdháimhe’, ‘Táin Bó Cuailgne’,  
‘D’Fhoghlaim Chon gCulainn’, ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’.  
1759.

**ÓEG H20 (b).** [‘Conspóid Dhonnchaidh Mhóir Uí Labhradha agus  
Ghiolla Mhuire Chaoich Mhic Artáin’], dánfhocail, autograf, ‘Comhairle  
Mhic Clámha’, dánta le hAindrias Mag Uidhir, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘An  
Ceithearnach Caoilriabhach’, ‘Buidhean Bheag na hAlmhan’. 1762-3.

Diomaite de go bhfuil níos mó lámhscríbhinní againn ó láimh Pádraig Uí

Phronntaigh ná scríobhaí Gaeilge ar bith de chuid an Tuaiscirt a bhí ag saothrú ann

---

dá lámhscríbhinn seo. Fágann sé sin gur dóigh gur ghráf scríobhaí amháin darbh ainm Pádraig Ó  
Pronntaigh mac Néill COBÁC M7, 1732-2[3]; COBÁC M8, 1733; agus LBO Ir.f.1 (*a-j*) (20),  
173<sup>2</sup>/<sub>3</sub>-6; agus gurbh é an duine céanna a ghráf na lámhscríbhinní eile a luadh ag tús an chuntais seo:  
LB Eg. 172, 1759; LN G457, 1759; CM L16(1), 1760; ARÉ 24P7 (95), 1761; OÉG H20 (*b*), 1762-3;  
ARÉ 23A10 (960), gan dáta; agus COBÁC M15<sup>1</sup>, gan dáta, is dóigh.

<sup>3436</sup> Is doiligh litriú a shloinne a shocrú—‘Chum usáide Sheathain Mhi cCónaill an t-óigfhear  
mómhar geannnaoi’ atá scríofa sa lámhscríbhinn, LBO Ir.f.1 (*i*) (20), f. 166v; féach pláta 43 in Ó  
Cuív (2003: [43]). Tugtar ‘John McDonnell’ air ar ff. 157v, 187, sa chuid chéanna. Is doiligh a rá cá  
mhéad de na codanna (*a-j*) in LBO Ir.f.1 (20) a scríobhadh dó, ó tharla nach luaitear a ainm ach i  
gcuid (*i*), an chuid ina dtugtar an 21 Aibreán 1736 agus an 14 Bealtaine 1736 mar dhátaí scríofa,  
ff. 157v, 187. Tugaim Seán Mac Dhomhnaill air sa Ghaeilge, ach ní féidir liom eolas ar bith a chur  
leis an méid sin.

<sup>3437</sup> Luann Ní Shéaghdha, *N.L.I. Cat.*, v, 52, gur scríobh dhá láimh anaithnide, **A** (lgh 1-20) agus **B**  
(lgh 21-38, 375-96), an brollach agus na ginealaigh. Is dóigh liom gur scríobh Pádraig Ó Pronntaigh  
lgh 21-38, 375-96, agus is gaire an stíl pheannaireachta don stíl a cheadaigh sé idir na blianta 1732  
agus 1736, ná an pheannaireacht a fheictear sna leabhair a scríobhadh idir na blianta 1759 agus 1763.

<sup>3438</sup> Níor ghráf Pádraig Ó Pronntaigh lgh [vi], [xii]. Tá sé le tuiscint ó na nótaí ar lgh [xi-xiii], agus an  
focal ceangail ar lch 370, go raibh ceithre scéal eile sa lámhscríbhinn lá den saol—‘Táin Bó  
Fliodhaise’, ‘Cath Maighe Léana’, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, agus ‘Eachtra Chloinne Ríogh na  
hIoruaidhe’. Léiríonn an nóta a scríobh G. Bra[nty ?] ar lch [xii] go raibh an chéad dá scéal sin (agus  
an dá cheann eile, b’fhéidir) sa lámhscríbhinn go fóill i mí na Bealtaine 1767.

sa dara leath den 18ú hAois,<sup>3439</sup> is beag atá ar eolas faoi. Thug Ó Muirgheasa (1915: 343) cuntas ar an scoláire maith Gaeilge seo, inar thuairimigh sé gurbh as Co. an Dúin dó ó bhunús, ach is dóigh go raibh cónaí air i dtuaisceart Cho. Lú, agus meabhraíonn Pádraig é féin dúinn go minic gur shíolraigh cuid dá shinsir ón dúiche taobh le Loch Éirne. Rinne Mac Labhraí (2005; 2006) beatha agus filíocht Phádraig Uí Phronntaigh a mheas, agus tá an t-eolas a fuair sé curtha le chéile in alt amháin, Mac Labhraí (2013), aige. Ar an taighde cruinn sin a bunaíodh an cuntas seo den chuid is mó. Díreofar anseo ar lámhscríbhinní Phádraig Uí Phronntaigh amháin.<sup>3440</sup>

Má d'fhág Pádraig Ó Pronntaigh a ghinealas againn i gcuid mhaith lámhscríbhinní, is é an ceann a thugann sé in CM L16(1) an ceann is iomláine: Pádraig Ó Pronntaigh mac Néill mhic Sheáin mhic Ruaidhrí.<sup>3441</sup> Léirigh Robin Flower tamall maith ó shin go bhfuil leid mhaith againn go raibh cónaí ar Phádraig i dtuaisceart Cho. Lú, tharla go ndeir sé i gceannteideal le dán a chum sé timpeall na bliana 1738 don Dr Brian Mag Mathghamhna, Ard-Easpag Ard Mhacha, gur cheap sé é ‘air tteacht don phríomhfháidh, agus dá dhearbhráithre a chomhnuidhe go Baile Uí Sgannláin’.<sup>3442</sup> Ní eile, de na deich lámhscríbhinn de chuid Phádraig a tháinig slán, is féidir gur chaith seacht gcinn acu, ar a laghad, tamall fada thart ar Dhún Dealgan san 18ú hAois.<sup>3443</sup>

---

<sup>3439</sup> Ní chuirtear Muiris Ó Gormáin, a chaith an chuid is mó dá shaol i mBaile Átha Cliath, san áireamh.

<sup>3440</sup> Ní bhacaim leis an tseancheist maidir leis an ngaol a bhí aige le Charlotte Brontë (agus ní dócha go bhfuil seasamh leis) a phlé arís anseo. Don té a bhfuil spéis aige sa cheist sin, tá cuntas maith air sin in Mac Labhraí (2005: 22-4; 2013: 261-3).

<sup>3441</sup> CM L16(1), lch 173. Tá na leathanaigh gan áireamh ceart, agus leanaim uimhriú Mhic Labhraí (2005: 25 n.4; 2013: 263 n.4). Cibé rud é, tá an colafon as ar baineadh seo ag deireadh an dáin *Mochean do theacht, a Fheidhlime*.

<sup>3442</sup> An ceannteideal a cuireadh leis an dán in LB Eg. 172, f. 53. Tugtar sliocht as an gceannteideal in Mac Labhraí (2013: 260), agus eagrán iomlán den dán. Thuigfí ó chuid de na línte sa dán go raibh cónaí ar Phádraig Ó Pronntaigh gar do Bhaile Mhic Scanláin, nó i nDeoise Ard Mhacha, cibé rud é.

<sup>3443</sup> Seo iad na lámhscríbhinní atá i gceist thuas—

(1) ARÉ 24P7 (95), lgh 37-218, óir bhí sí i seilbh Éadbhaird Uí Eachaidh (*q.v.*);

(2) ARÉ 23A10 (960), atá ceangailte le giotaí eile a scríobhadh i gCo. Lú—maidir le (1) lgh 1-46, féach OÉG H20 (*a*), atá sa láimh chéanna; (2) lgh 87-176, féach an plé a rinneadh orthu i nóta 2476 thuas, mar chuid den phlé ar Pheadar Ó Doirín;

Is iad na trí lámhscríbhinn is luaithe dá chuid a tháinig anuas chugainn COBÁC M7, COBÁC M8, agus LBO Ir.f.1 (*a–j*) (20), a grafadh idir 1732 agus 1736.<sup>3444</sup> Is meascán de bhloghanna éagsúla í LBO Ir.f.1 (20). Cosúil lena lán eile de lámhscríbhinní Phádraig Uí Phronntaigh, is cnuasaigh de scéalta rómánsaíochta iad na trí lámhscríbhinn seo, agus tá cuid mhaith den ábhar céanna le fáil iontu triúr, agus sna leabhair eile a scríobh Pádraig níos déanaí ina shaol. Cuid mhaith de na píosaí a thugtar sna lámhscríbhinní seo, idir scéalta agus dhánta, níl fáil orthu i lámhscríbhinní ar sine iad ná cóipeanna Phádraig. Bhí Énrí Ó Muirgheasa (1905*b*: 765 col. a – 765 col. b; Ua Muirgheasa 1912: xi) thar a bheith moltach,<sup>3445</sup> mar a luann Mac Labhraí (2005: 19; 2013: 258), faoi leabhair Phádraig Uí Phronntaigh, agus faoin gcumas peannaireachta a bhí aige. Bhí Pádraig ag cóipeáil téacsanna do phátrúin chomh fada siar leis an mbliain 1732, agus tugann sé ainm duine acu dúinn, Seán Mac Dhomhnaill, an té dár scríobh sé cuid de LBO Ir.f.1 (20) thart ar an mbliain 1736. Is eol dúinn fosta gur chum sé dán molta ar an Dr Brian Mag Mathghamna thart ar an mbliain 1738, mar a luadh cheana. Is ábhar spéise gur cheap

---

(3) CM L16(1), óir rinne an Dr Séamus Mhac Giolla Choille (*q.v.*) agus Éadbhard Ó hEachaidh leathanaigh chaillte inti a fhorlíonadh;

(4) COBÁC M7, óir bhí sí ag Brian Mac Fhearchair—Bryan Carragher ón gClochán Maol, Co. Lú, (féach nóta 2723) san 18ú hAois; is féidir gur bhain Pádraig Ó Loingsigh ábhar as COBÁC M7 agus COBÁC M8 le LB Add. 18747 a scríobh do Shomhairle Ó Coltran i nDún Dealgan sa bhliain 1800; agus dealraíonn sé go raibh COBÁC M7 agus COBÁC M8 i gcnuasach Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme (*q.v.*);

(5) COBÁC M8, an scéal céanna agus (4) thuas;

(6) LN G457, lámhscríbhinn ó chnuasach Mhatha Mhic Cinnéadaigh (*q.v.*);

(7) OÉG H20 (*b*), b'fhéidir, óir tá OÉG H20 (*c*) i láimh Dhonnchaidh Mhig Oireachtaigh (*q.v.*).

Maidir leis na trí cinn eile, is féidir go raibh COBÁC M15<sup>1</sup> i seilbh Mhatha Mhórdha Uí Ghraeme, óir tá sí cláraithe ag Énrí Ó Muirgheasa mar lámhscríbhinn 15 (féach nóta 10 thuas) dá chnuasach in Ó Muirgheasa (1905*b*: 767 col. a), nó is féidir gur fada a bhí sí sa dúiche sin an uair a fuair Matha Mórdha Ó Graeme greim uirthi, má bhí páirt ag an Michael McGeough a scríobh a ainm uirthi sa bhliain 1819 (Mac Labhraí 2005: 17; 2013: 256) le Patrick McGeough ón Lorgain Chaol, i bparóiste Fhochaird, Co. Lú. Tugtar eolas ar Patrick McGeough i nóta 1149 thuas. Bhí LB Eg. 172 i seilbh Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh ó Cho. na Mí; agus is doiligh mórán a rá le cinnteacht faoi LBO Ir.f.1 (20), ach gur le John Callaghan éigin codanna (*d–e*, *g–i*) di idir na blianta 1821 agus 1823.

<sup>3444</sup> Más ceart do Robin Flower, ba as COBÁC M7 agus COBÁC M8 a chóipeáil Pádraig Ó Loingsigh LB Add. 18747 sa bhliain 1800, agus is spéisiúil an rud é go raibh siad beirt i seilbh an duine chéanna chomh mall le tús na 20ú hAoise. Féach nóta 3457.

<sup>3445</sup> A mhálairt de scéal a bhí ag O’Rahilly (1913*b*: 207) ina léirmheas ar Ua Muirgheasa (1912): ‘Taken all round it is clear that the Pronty text is a poor and not very reliable one...’ Ní raibh Pádraig ach ag foghlaim a cheirde an uair a scríobh sé an lámhscríbhinn atá i dtrácht aige, COBÁC M8.

Pádraig Mac a Liondain, file a raibh cónaí air san Fhiodh, Co. Ard Mhacha, is dóigh, amhrán ar an easpag céanna, *A Rí léir fuasgladh as geimheal guaise do phobal uasal ón Éigipt*. Sa chóip den amhrán a d'fhág Pádraig Ó Pronntaigh againn de dhán Phádraig Mhic a Liondain, in LB Eg. 172 a scríobhadh sa bhliain 1759, tugann sé cuntas iontach cruinn ar na cúinsí inar ceapadh é, á rá gur scríobhadh é ‘an tan do bhí gearleanmhuin agus berseacúision a’ teacht air an Eaglais timchioll seacht mbliadhna fichid ó shoin’.<sup>3446</sup> Ó tharla go raibh Pádraig Ó Pronntaigh beo agus ag cóipeáil lámhscríbhinní thart faoin am ar cumadh an t-amhrán seo; go raibh eolas an-bheacht aige ar na dálaí agus ar an am ar scríobhadh é; agus go bhfuil neart dánta le Pádraig Mac a Liondain ina chuid lámhscríbhinní; agus, ní eile, gur fhág sé againn na cóipeanna is sine de mhairgne Phádraig Mhic a Liondain, is doiligh a chreidiúint nach raibh ceangal láidir aige leis an bhfile seo.

Filíocht chráifeach atá sa chuid eile dá shaothar; tugtar plé ar na dánta seo in Mac Labhraí (2006; 2013: 268-88). Tagraíonn Mac Labhraí (2005: 21; 2013: 260) do thuairim Mhig Uidhir (1977: 37) gur chléireach é Pádraig, ach níl aon eolas ná leideanna feicthe agam i lámhscríbhinní Phádraig, taobh amuigh de na dánta cráifeacha sin, a ligfeadh dúinn sin a rá. Éiríonn an pictiúr giota beag doiléir ina dhiaidh sin, agus níl trácht air go dtí an bhliain 1759, nuair a thosaigh sé ar LN G457 a chóipeáil tuairim is an 20 Márta 1759.<sup>3447</sup> Cnuasach thar a bheith luachmhar de scéalta próis atá inti: an chóip indátaithe is sine atá againn den athscríobh déanach a rinneadh ar Leagan Iib (Leagan Stowe) de ‘Táin Bó Cuailnge’; cóip de ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’ a théann leis na cóipeanna Ultacha eile,<sup>3448</sup> agus

---

<sup>3446</sup> LB Eg. 172, f. 45b. Tá, ar f. 53 sa lámhscríbhinn sin, autograf den dán a cheap Pádraig Ó Pronntaigh ar an Ard-Easpag Brian Mag Mathghamhna c.1738.

<sup>3447</sup> Tugtar na dátaí seo in LN G457: an 20 Márta 1759, lch [xiii]; an 12 Iúil 1759, lch 304; agus an 3 Lúnasa 1759, lch 370.

<sup>3448</sup> Féach nóta 3724 thíos.

tharlódh sé go raibh cóip de ‘Táin Bó Fliodhaise’ sa lámhscríbhinn tráth.<sup>3449</sup> An chuid den lámhscríbhinn a tháinig slán chugainn, tá dátaí suas go dtí an 3 Lúnasa 1759 inti;<sup>3450</sup> agus thosaigh sé ar LB Eg. 172 a ghráfadh dhá mhí ina dhiaidh sin.<sup>3451</sup> Scoir sé de LB Eg. 172 a scríobh an 12 Nollaig 1759.<sup>3452</sup> Tá neart díobhála déanta don chéad lámhscríbhinn eile atá againn uaidh, CM L16(1), sa dóigh gur baineadh de chuid mhaith de na colafoin, ach is dóigh gurbh idir an 1 Aibreán 1760 agus an 27 Aibreán 1760 a scríobhadh í d’Éanraoi Ó Criagáin.<sup>3453</sup> Tá lámhscríbhinn eile dá chuid againn, cóip mhaith de ‘Eachtra na gCuradh’, a bhí geall le bheith scríofa aige faoin 14 Deireadh Fómhair 1761. Léirigh Ó hUiginn (2009: 406-7) cheana gur dóigh gur sa dúiche thart ar Dhún Dealgan, an dúiche ina raibh Pádraig socraithe ar feadh cuid dá shaol, a cuireadh cuid mhaith de na scéalta déanacha ar nós ‘Eachtra na gCuradh’ le chéile; agus bhí baint ag Pádraig Ó Pronntaigh lena scaipeadh go deimhin, taobh le scéalta próis eile a cumadh i bhfad roimhe sin. Tá scéal ag Nioclás Ó Cearnaigh go gcuidíodh Pádraig Ó Pronntaigh le Peadar Ó Doirnín, agus gur tharraing Pádraig go mór ar a chuid lámhscríbhinní.<sup>3454</sup> Ar an ábhar gur fhág Pádraig dea-chóip den athscríobh déanach a rinneadh ar Leagan Iib (Leagan Stowe) de ‘Táin Bó Cuailnge’ againn in LN G457, is féidir go dtéann sé seo beagán le tuairim O’Rahilly (1961: lvii), go síolraíonn na cóipeanna uilig den athscríobh sin as an lámhscríbhinn chailte a ghráf Peadar Ó Doirnín sa bhliain 1730. Níl d’eolas againn ar an lámhscríbhinn seo, mar a dúradh sa chuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149 thuas, ach an chóip a rinne Pádraig Ó Loingsigh di do Shomhairle Ó Coltran

---

<sup>3449</sup> Féach Ó hUiginn (2009: 406-7), nó nóta 3438.

<sup>3450</sup> Féach nóta 3447 thuas.

<sup>3451</sup> Thosaigh sé á scríobh go gairid roimh an 6 Deireadh Fómhair 1759. Féach an colafon ar f. 29, atá i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 119.

<sup>3452</sup> LB Eg. 172, f. 72b.

<sup>3453</sup> Féach na dátaí a thugtar in Mac Labhraí (2005: 15; 2013: 253).

<sup>3454</sup> Litir a scríobh Nioclás Ó Cearnaigh chuig Seán Ó Dálaigh, an 19 Eanáir 1845. LN G389(70); tá cuid di i gcló in Ó Buachalla (1965: 140).

sa bhliain 1800,<sup>3455</sup> agus is spéisiúil an comhtharlú é gur chóipeáil Pádraig Ó Loingsigh, sa bhliain chéanna agus don phátrún céanna, neart scéalta rómánsaíochta isteach in LB Add. 18747 as ‘c(h)eartleabhar iomlán’ a chuir Pádraig Ó Pronntaigh le chéile sa bhliain 1732.<sup>3456</sup> Tá cuid mhaith de na scéalta céanna le fáil sa mhéid de COBÁC M7 atá againn—leabhar a scríobh Pádraig Ó Pronntaigh idir na blianta 1732 agus 1732[3], agus iad siúd atá in LB Add. 18747, ach ó tharla go bhfuil cuid mhaith de na scéalta ar fáil go flúirseach i lámhscríbhinní eile a scríobh Pádraig Ó Pronntaigh, is féidir nach í COBÁC M7 eiseamláir chóip Phádraig Uí Loingsigh.<sup>3457</sup>

Bhí tús curtha aige le scéalta rómánsaíochta a chóipeáil isteach in OÉG H20 (b) faoin 6 Samhain 1762, an lámhscríbhinn is déanaí de chuid Phádraig atá againn (díobh siúd a bhfuil dáta leo).<sup>3458</sup> Dar le hÉnrí Ua Muirgheasa (1912: xi), bhí radharc

<sup>3455</sup> LB Add. 18748. Féach an chuid deiridh den chuntas ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149.

<sup>3456</sup> LB Add. 18747, f. 156. Féach nóta 3457.

<sup>3457</sup> Tá naoi dtéacs próis in LB Add. 18747, agus tugann Pádraig Ó Loingsigh an nóta gairid seo ag deireadh na lámhscríbhinne, f. 156—

Arna tharraing as c(h)eartleabhar iomlán do sgriobhadh le Padruic Ó Pronntaigh mhic Neill san mbliadhain d’Aois an Tighearna Aonmhíle ar sheacht ccead ar thriochad sa dó, & isin mbliadhain 1800 do s[c]riobhadh an macleabhar so san tSradbhaile le Padruic Ó Luingsigh do réir thrí bpingin an duillthaobh no dha sgilline an chairt le húsaide & ar chostais Mhaighisteir Samuel Cultran.

Tugadh an nóta seo sa *B.M. Cat.*, ii, 383, agus luann Flower gur féidir gurbh iad COBÁC M7 agus COBÁC M8 an ‘ceartleabhar iomlán’ seo a bhí i gceist ag Pádraig Ó Loingsigh, *B.M. Cat.*, ii, 379, According to the colophon of art. 8 [*recte* airt. 9, ‘Eachtra Chloinne Riogh na hIoruaidhe’] that article was copied ... from a MS. written by Pádraig Ó Pronntaigh ... in 1732. All the articles except arts. 1, 2 are contained in Morris MSS. 7, 8 (written by Pádraig Ó Pronntaigh respectively in 1732, 1733), and it is probable that these MSS. were the source of the present transcript.

Deir Flower ag deireadh a chuntais chatalóige, tar éis dó an colafon thuas a phriontáil: ‘This colophon perhaps refers to the whole of the MS. ...’, *B.M. Cat.*, ii, 383. Níl airt. 6 i gcuntas Flower ar LB Add. 18747 in COBÁC M7 ná in COBÁC M8. Tugadh cuntais ghairide ar ábhar COBÁC M7 agus COBÁC M8 sa liosta leabhar ag tús an chuntais seo, agus in Ó Muirgheasa (1905*b*: 765 col. a – 765 col. b). Ní rómhaith a théann sé le tuairim Flower gurbh aon leabhar amháin iad COBÁC M7 agus COBÁC M8 lá den saol, óir tá cóipeanna difriúla de dhá scéal, ‘Mac na Míchomhairle’ agus ‘Buidhean Bheag na hAlmhan’, le fáil sa dá lámhscríbhinn seo. Ní dóigh liom, ar an ábhar sin, gur codanna d’aon lámhscríbhinn amháin iad COBÁC M7 agus COBÁC M8.

<sup>3458</sup> Tugtar ceithre dháta in OÉG H20 (b): an 6 Samhain 1762, lch 46; an 20 Aibreán 1763, lch 118; an 29 Aibreán 1763, lch 168; 1763, lch 192. Níl againn den lámhscríbhinn ach lgh 13-192. Shínigh ‘Hugh Mackin’ lch 22.

na súl ag meath air faoin am seo,<sup>3459</sup> ach tá an lámh tréan agus líofa go fóill. Is é an 29 Aibreán 1763 an dáta inléite is déanaí a thugtar in OÉG H20 (b),<sup>3460</sup> cé go dtugann Dubhglas de hÍde le fios in dhá leabhar dá chuid go raibh lámhscríbhinn(í) le Pádraig Ó Pronntaigh feicthe aige a scríobhadh idir 1763 agus 1764.<sup>3461</sup> Luann Hyde (1906: 44) áit amháin go bhfaca sé lámhscríbhinn le Pádraig Ó Pronntaigh ina raibh an dán *Osgail an doras, a Pheadair*, agus a scríobhadh sa bhliain 1763. Ní thugann sé le fios céir leis í an uair sin, agus ní fios cá bhfuil sí anois, ná ní heol dom go bhfuil an dán sin i gceann ar bith de na lámhscríbhinní de chuid Phádraig atá againn. Deir Hyde (1915: 148) fosta go raibh lámhscríbhinn aige inar scríobh Pádraig Ó Pronntaigh ‘Comhairle Mhic Clámha’ sa bhliain 1764. Is doiligh a chreidiúint, ar bhealach, nach í OÉG H20 (b) a bhí i gceist aige an uair sin, agus gur dhearmad dó an dáta 1764 a chur síos ina chuntas ar an saothar. Más fíor sin, theip orm teacht ar eolas ar bith a ligfeadh dúinn a rá go raibh Pádraig ina bheatha tar éis an 29 Aibreán 1763. Chuir G. Bra[n]ty [?] leathanach teidil le LN G457 i mí na Bealtaine 1767.

## 2.202. Aodh Ó Raghallaigh,<sup>3462</sup> fl.1728

**LN G128.** *Focloir no Sanasan Nua* Mhíchíl Uí Chléirigh, dánta le Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Giolla Modhubhda Ó Caiside. 1728.

Níl ach fíorbheagán ar eolas faoin scoláire Gaeilge seo: chuir sé tús leis an

lámhscríbhinn LN G128 sa bhliain 1728, agus chríochnaigh sé an *Focloir no*

---

<sup>3459</sup> ‘In Dr. Hyde’s (date 1763) the writing, though legible and well-formed, is less artistic, smaller, weaker and less uniform, from which we may infer that in 1763 Pronty was advanced in years and that both eye and hand had begun to fail’ (Ua Muirgheasa 1912: xi).

<sup>3460</sup> Féach nóta 3458.

<sup>3461</sup> Féach nóta 3426.

<sup>3462</sup> Ní féidir an tAodh Ó Raghallaigh seo a cheangal leis an Hugh Reily a bhí fostaithe ag Robert Boyle lena leagan Gaeilge den Bhíobla a cheartú don chló ó c.1680 amach. Cuireadh oiliúint ar Hugh Reily sa Fhrainc. Tugtar roinnt eolais faoi i gCaib. 1.4.6.1, agus go mórmhór in Williams (1986: 73-80, 82-7).



*Sanasan Nua* ar an 10 Bealtaine 1728.<sup>3463</sup> Dánta stairiúla atá sa chuid eile den lámhscríbhinn, agus úsáideann Aodh na marcanna ceangaltóra céanna inti agus atá i lámhscríbhinní Sheoin Mhic Sholaidh, Phádraig Uí Dhoibhlin (*qq.v.*), agus eile. Tá cosúlacht éigin, fosta, idir stíleanna peannaireachta Sheoin Mhic Sholaidh agus Aodha Uí Raghallaigh, agus bhí beirt scríobhaithe eile dar shloinne Ó Raghallaigh ag saothrú leo i bparóiste Stigh Colláin (áit a raibh cónaí ar Sheon Mhac Solaidh) ag an am sin: Éamonn Ó Raghallaigh agus Pádraig Ó Raghallaigh [1]. Ní féidir cur leis sin.

## 2.203. Domhnall Ó Raghallaigh, *ob.* 1719

[Daniell Reilly]

**CT H.5.11 (1383).** Formhór di.<sup>3464</sup> Dánta cráifeacha le Cathal Ó Feadhaigh, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Maoilir Brún, Brian Mac Gabhann, Muirgheas Ó Dálaigh, Aonghus Ó Dálaigh Fionn, ortha, liodáin, dánta grádha, dánfhocail, tráchtas ar an aithrí, tráchtas gramadaí, smaointe laethúla ar Pháis Chríost, annála, nóta ar chaisleáin. An Cabhán<sup>3465</sup> 1704, [? 1713].<sup>3466</sup>

Tugtar ainm an scríobhaí seo, maille le dáta a bháis, i nóta a chuir lámh anaithnid leis an lámhscríbhinn.<sup>3467</sup> ‘1719. Fuar Domhnall mac Eogain mhic Cathail 7c., scriobhneoir an leab[hair] so bás a’ naodhamh la don tSamhraidh’, an 9 Bealtaine 1719. Cailleadh a mháthair, Róis Uí Raghallaigh, sa bhliain 1690.<sup>3468</sup> Tugann

<sup>3463</sup> Tugann sé a ainm agus an dáta 1728 ar lch 1, agus a ainm agus an 10 Bealtaine 1728 ar lch 99.

Rinne léitheoir anaithnid ceartúcháin, srl., ar lgh 87, 101, 107, 110, 111, 116, 117.

<sup>3464</sup> Chomh fada agus a thuigim an scéal, scríobh Domhnall an t-iomlán, ach amháin na ginealaigh ar lch 141. Tá na ginealaigh sin i bpeannaireacht Aodha Uí Dhálaigh, *T.C.D. Cat.*, 244.

<sup>3465</sup> Tá an nóta, ‘Daniell Reilly of ye County of Cauan’, ar lch 12 anseo.

<sup>3466</sup> Féach nóta 3469.

<sup>3467</sup> Lch 97.

<sup>3468</sup> ‘1690. Fuair Seamus mac Domhnall Oig báis ar diolad(h) on Trád Bholla(?) [‘ón tSráidbhaile’ .i. Dún Dealgan] fa Nollíoc 7 Róis Uí Rag<h>allaigh mo mhathair’, CT H.5.11 (1383), lch 97. D’fhéadfadh sé gur cuireadh an focal ‘Oig’ leis na hannála i ndiaidh a ngrafta anseo, ach má cuireadh, ba é an scríobhaí féin a rinne an ceartúchán.

Domhnall Ó Raghallaigh é féin le fios i nóta a chuir sé isteach sa tsraith annála a d'fhág sé againn in CT H.5.11 (1383), gur scríobh sé an lámhscríbhinn sa bhliain 1704, agus is féidir gur scríobhadh beagán eile den ábhar ar an 14 Feabhra 1713.<sup>3469</sup> Ábhar Caitliceach is mó atá sa lámhscríbhinn, agus bhain Domhnall cuid de ó sheanleabhar éigin nach raibh sé in ann a léamh, mar a thugann nóta amháin a chuir sé lena chuid oibre le fios,

Sguirim go la oir ata mo leab[h]air dall, 7c.<sup>3470</sup>

Tá an lámhscríbhinn seo cosúil le cuid de na leabhair eile a chuir baill de mhuintir Raghallaigh le chéile sa 17ú hAois, agus tugann sé sraith annála agus básanna teaghlaigh áit amháin inti. Tá drochbhail uirthi anois, agus níl an ortagrafaíocht ach go cosúil.<sup>3471</sup> Tagraítear do Dhomhnall mac Eoghain mhic Cathail Uí Raghallaigh éigin a raibh ceathrar mac aige sna ginealaigh a scríobh Tomás Mac Síomóin (1614-1680), Biocáire Ginearálta na Cille Móire, sna blianta c.1673-4: 'Clann Domhnaill. Seamus an sagart. Filip Bán Toirrdhealbhadh 7 Sean' (Carney 1959: 64). Tugann na ginealaigh seo, agus na leasuithe a rinne mórán eile orthu,<sup>3472</sup> lear mór eolais dúinn faoi mhuintir Raghallaigh, agus cuma an chruinnis ar chuid mhaith de. Más fíor gurb ionann Domhnall an ghinealaigh agus an scríobhaí seo againne, shíolraigh sé ó

---

<sup>3469</sup> Féach CT H.5.11 (1383), lch 97. Tugann an *T.C.D. Cat.*, 243, le fios go bhfuil an 14 Feabhra 1713 inléite [?] mar dháta scríofa] ar lch 11 sa lámhscríbhinn, ach bhí an leathanach róshalach lena léamh ar an mionscannán a d'úsáid mé.

<sup>3470</sup> CT H.5.11 (1383), lch 32. Tugadh an nóta seo i gCaib. 1.2.2.3, colafon 69.

<sup>3471</sup> Scríobh James Carney an méid seo i dtaobh na lámhscríbhinne: '...the orthography is poor and in one entry we meet with a strange mixture of language: 1681, *Fuair an brathar Tomas Mac Kearnan and Father James Nugent, friers, dead*' (Carney 1959: 20). Deir sé san áit chéanna: 'The TCD MS. begins with the date of Aodh Connallach in 1583 and the latest entry is for 1682' (Carney 1959: 20), agus gur chóipeáil sé na hiontrálacha blianta roimhe sin, sa dóigh gur chaill sé uimhir thagartha na lámhscríbhinne. Caithfidh sé go raibh dul amú air, maidir leis an mbliain deiridh, áfach, óir leantar de na hiontrálacha go dtí an bhliain 1706 i láimh an scríobhaí (an iontráil dhátheangach thuas san áireamh), agus chuir duine éigin nóta fá dtaobh dá bhás (1719) leis an lámhscríbhinn ina dhiaidh sin.

<sup>3472</sup> Féach na tagairtí a thugtar i nóta 3482 thíos i dtaobh duine de chóipeálaithe [?] d'athscríbhneoirí] na nginealach sin, Eoghan Ó Raghallaigh.

Ruaidhrí Ó Raghallaigh ag a raibh tiarnas Chlainne Mathghamhna tráth (Carney 1959: 64).

## 2.204. Éamonn Ó Raghallaigh, *fl.* 1729-35

**SPAA (a).** Formhór di. ‘Beatha Chríost’, ‘Trácht Phréimhe ár gCreidimh’, ‘Trácht ar Laoi an Bhreitheamhnais agus ar na Comharthaí a Thiocfas Roimhe’, urnaí, ‘Seanchas ó Ádhamh go hAbram’, ‘An Teanga Bhithnua’. Stigh Colláin, An Mhí 1729-31. Dó féin.

Scríobh Pádraig Ó Raghallaigh [1] (*q.v.*) cúpla nóta i lámhscríbhinn Éamoinn, ceann acu ar an 23 Lúnasa 1735, agus thuigfí uathu go raibh SPAA (a) fós i seilbh Éamoinn Uí Raghallaigh an tráth sin.<sup>3473</sup> Ó tharla go raibh cónaí ar Phádraig Ó Raghallaigh [1] i Stigh Colláin an uair sin, dhealródh sé go raibh páirt éigin aige le hÉamonn Ó Raghallaigh. Ní féidir a léiriú go raibh aithne ag Éamonn ar mhórán de na scríobhaithe eile a bhí gníomhach thart ar an bparóiste sin sa chéad cheathrú den 18ú hAois,<sup>3474</sup> ach thug de Brún (1999: 90) faoi deara go bhfuil cosúlachtaí ann idir an chóip den ‘Teanga Bhithnua’ atá i lámhscríbhinn Éamoinn, agus an leagan neamhghnách di atá in LB Eg. 174, lámhscríbhinn de chuid Phádraig Uí Dhoibhlin (*q.v.*). Tá ábhar SPAA (a) ar fáil fosta san aon lámhscríbhinn de chuid Phádraig Uí Raghallaigh [1] atá againn, ARÉ 24P42(1) (1405), agus in dhá leabhar a scríobh Seon Mhac Solaidh (*q.v.*), COC M21 (21) agus COFLA MF5.

---

<sup>3473</sup> SPAA (a), lch [2]. Ní raibh mé in ann an lámhscríbhinn seo a scrúdú, agus tugaim an dá nóta mar a fuair mé in alt de Brún (1999: 88) iad: ‘Ase Eamuin O / Riaghalle salbhadoir / An leabhaurse Ar na / sgríobhtha le Pattriag / O Riaghalle an 3 la / 20 do mhi august 1735 / 35’, lch [2]; ‘Pattriag / O Riaghalle / alaimh agus go bhfuil / eagalle oram gurab e an lorg / dheirenach shaicfior [?] mo phenna na d[...: *remainder of line trimmed away*] / a tTeach Calann go bhfaicfaidh me / boogairaiigh almharaiig 7 Saxanaigh / dubha trean Arna sgríobhtha lem / laimh stuama as miamhair [?] Pa[tt]riag [...]’, lch [2].

<sup>3474</sup> Is iad Henrí Mhac Muircheartaigh, Seon Mhac Solaidh, Pádraig Ó Doibhlin, Mícheál Ó hAirt, agus Pádraig Ó Raghallaigh [1] (*qq.v.*) na scríobhaithe atá ar intinn agam. Pléitear iad i gCaib. 1.4.1.2, 2.89, 2.102, 2.148, 2.176, 2.207.

## 2.205. Eoghan Ó Raghallaigh, fl.1701-10

**C Add. 4205 (15).** ‘Scáthán Shacramuinte na hAithridhe’, ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’. 1701-<sup>1</sup>/<sub>2</sub>. Do *Bhrian Mhag Uidhir*.<sup>3475</sup>

**CE 18.\*** Formhór di.<sup>3476</sup> ‘An Bheatha Chrábhaidh’, ‘An Bheatha Dhiadha’ (cuid di). 170<sup>8</sup>/<sub>9</sub>-10. Do *Mhurchadh* ——— (?).<sup>3477</sup>

Is leis an gceantar liteartha sin Bréifne<sup>3478</sup> a bhaineann an scríobhaí seo, ó thaobh cúrsaí liteartha, agus ó thaobh na geograife fosta, b’fhéidir. Níor cheil sé a ghinealas orainn: Eoghan Ó Raghallaigh mac Thoirdealbhaigh Mheirgigh mhic Cathail mhic Mhaolmhórdha Uí Raghallaigh a bhí ann.<sup>3479</sup> Féach Dillon (2013), alt a úsáideadh go mór anseo, agus ina bhfaighfear cuntas thar a bheith mionsonraithe ar a bhfuil againn de chuid lámhscríbhinní Eoghain, agus ar na foirmeacha teanga atá iontu. Eolas míthreorach a tugadh air, an chéad uair a cuireadh a ainm i bprionta: tugadh le fios sa *B.M. Cat.*, ii, 591, sa chuntas catalóige ar LB Eg. 121, ar cóip í de ‘An Bheatha Dhiadha’ agus ‘An Bheatha Chrábhaidh’, cóip a ghráf Tomás Ó hIceadha<sup>3480</sup> ó Bhaile Ghrae [?] *recte* Baile an Ghraeigh] i gCo. Thiobraid Árann sa 19ú hAois, gur bhain sé a chuid ábhar ó lámhscríbhinn ‘le hEoghan Ô Raghallaigh mac d’Órd [ ] a

<sup>3475</sup> Féach nóta 1936 thuas. Tá na nótaí a scríobh Eoghan Ó Raghallaigh chuig Brian Mhag Uidhir i gcló in de Brún & Herbert (1986: 33 col. a).

<sup>3476</sup> An lámhscríbhinn uilig seachas breiseanna.

<sup>3477</sup> Cuireadh na nótaí a scríobh Eoghan Ó Raghallaigh in imill na leathanach chuig ‘Murchadh’ éigin i gcló in Ó Fachtna (1961-3: 91-2; 1967: xiii-xiv) agus in Ó Fiannachta (1978: 24-5), ach ní thugtar sloinne Mhurchaidh áit ar bith.

Toisc nach bhfuil ainm an scríobhaí luaite sa lámhscríbhinn, agus gur luaigh Ó Fachtna (1961-3: 91-2) go bhféadfadh sé gurbh é Murchadh an peannaire (cé gur tháinig malairt intinne air ina dhiaidh sin), is fiú an nóta a ghráf an scríobhaí ar ff. 20, 58, 77v, a lua anseo—agus muid feasach air go dtagraíodh scríobhaithe dóibh féin sa dara agus sa tríú pearsa corruair—le cruthú nárbh é Murchadh an scríobhaí: ‘M’anam do Dhia, a Mhurchadh’.

<sup>3478</sup> Cheadaigh Dillon (2013) an dá lámhscríbhinn dá chuid atá againn go fóill i staidéar a rinne sé ar an gcineál Gaeilge a fhaightear i lámhscríbhinní Cho. an Chabháin agus Cho. Fhear Manach.

<sup>3479</sup> C Add. 4205 (15), ff. 92v, 97. Tá cóip den cholafon ina dtugtar an ginealach seo in de Brún & Herbert (1986: 33), agus in Dillon (2013: 30).

<sup>3480</sup> Chreid Flower, mar gheall ar nóta atá scríofa i láimh dhéanach ar LB Eg. 121, gurbh é Séamus Ó Scoireadh a scríobh í, ach léirigh Ó Fachtna (1961-3: 89-90) nach fíor sin.

bhFlóndras, [ ] 1710 ...',<sup>3481</sup> agus lean Ó Domhnaill (1938) sin ina eagrán de ‘An Bheatha Chrábhaidh’. Ó foilsíodh an dá leabhar sin, léirigh Ó Fachtna (1967: xiii *n.2*) gurbh í CE 18 (lámhscríbhinn gan síniú), an eiseamláir a bhí i gceist ag Tomás Ó hIceadha—scríobhaí LB Eg. 121—agus, de bhreis air sin, gurbh é Eoghan Ó Raghallaigh mac Thoirdealbhaigh Mheirgigh a scríobh í. Is dóigh leis gur dócha gur dhrochléamh ar cholafon éigin *a bhíodh* in CE 18 ab ábhar lena ndúirt Tomás Ó hIceadha i dtaobh Eoghan a bheith ina shagart in Ord eaglasta éigin.<sup>3482</sup> Chloígh Ó Fiannachta (1978: 24), ina chuntas siúd ar an lámhscríbhinn, leis an méid sin, ach amháin gur áitigh sé gur scríobhadh CE 18 i bhFlóndras, rud a tharraing sé go díreach as colafon Thomáis Uí Iceadha, óir níl trácht ar an log sa dá lámhscríbhinn atá againn i láimh Eoghain Uí Raghallaigh é féin; is é a mhalairt ghlan a thuigfí ó C Add. 4205 (15). Tuairimíonn Dillon (2013: 29-32) gurbh ar an tuiscint gur bhráthair é Eoghan gur scríobh Tomás Ó hIceadha go raibh sé i bhFlóndras, ait a bhfuil Lobháin suite, ach is doiligh sin a chreidiúint, ar bhealach.

Do Bhrian Mhag Uidhir mac Con Chonnacht (*fl.*1701-21), an pátrún tábhachtach ‘síorthabharthach’ ó Cho. Fhear Manach, a scríobhadh C Add. 4205 (15) idir na blianta 1701 agus 170<sup>1</sup>/<sub>2</sub>. I ndóchas nach bhfuiltear ag déanamh dóighe de thuairimíocht ghlan, is féidir a rá go faichilleach go bhféadfadh sé go raibh Eoghan ina chónaí gar do Cho. Fhear Manach ag an am sin, ach is fiú cuimhneamh air gur tharraing Brian Mhag Uidhir scríobhaithe chuige ó áiteacha éagsúla i gCúige Uladh.

<sup>3481</sup> LB Eg. 121, f. 9b. Marcáiltear dhá spás sa lámhscríbhinn le lúibíní cearnacha thuas. Is dóigh nach raibh an scríobhaí in ann an seanleabhar a bhí os a chomhair a léamh. Scríobh Flower, *B.M. Cat.*, ii, 591, gur ‘Mác d’ord [S. Proinnsiais]’ é.

<sup>3482</sup> Tá nóta ag Ó Fachtna (1961-3: 91) ar an ábhar sin, a bhfuil cóip de curtha i gcló aige in Ó Fachtna (1967: xiii *n.2*), agus tuairim aige nach ‘duine rialta é an peannaire, arae, chun pointe amháin a lua, bíonn na hathfhriotail Laidine mícheart go minic’. Sin agus go bhfuil nóta aige ina dhiaidh sin in Ó Fachtna (1967: xiii *n.2*), áit ar aithníodh lámh an scríobhaí den chéad uair, go raibh ceathrar clainne aige, de réir ghinealaigh Thomáis Mhic Shíomóin, srl., na ginealaigh a réitigh Carney (1959) don chló. Tchífeair ar ball gur féidir Eoghan é féin a áireamh i measc na scríobhaithe a ghraf cóipeanna de na ginealaigh seo, agus is eol dúinn gur cuireadh giotáí breise leo scaití lena dtabhairt chun dáta, suas go dtí lár na 18ú hAoise, b’fhéidir.

Creideann Dillon (2013: 32), agus údar maith aige, gurb é is dóichí gurbh i gCo. an Chabháin féin a bhíodh Eoghan ag cur faoi. An chéad phíosá eolais eile atá againn faoi Eoghan, is tagairt é do lámhscríbhinn chaillte, a scríobh Eoghan Ó Raghallaigh éigin, lámhscríbhinn ina raibh an tráchtas úd ar mhuintir Raghallaigh, ‘Geiniolach agus Craobhscaoileadh na Raghallach agus Maithe Bréifne hÍ Raghallaigh’, a chuir Carney (1959) in eagar.<sup>3483</sup> Ba é James Carney (1959: 17-18) é féin an chéad duine a thuairimigh gurbh ionann scríobhaí na lámhscríbhinne seo, agus an dá cheann a luaitear faoina ainm ar an liosta lámhscríbhinní a tugadh ag tús an chuntais seo. Dealraíonn sé gur scríobhadh an chóip chaillte seo sa bhliain 1703,<sup>3484</sup> agus ní bheadh trácht uirthi anois murarbh é gur bhain Muiris Ó Gormáin agus ——— Brennan úsáid aisti, nó as codanna di, leis an gcóip den saothar atá in ARÉ 23F15 (759) a dhéanamh (Carney 1959: 16; Dillon 2013: 32). Cheangail Carney (1959: 17-18) é féin an tEoghan seo againn leis an té a luaitear sna ginealaigh seo,<sup>3485</sup> Eoghan mac Thoirdealbhaigh Mheirgigh mhic Cathail mhic Mhaolmhórdha mhic Iriail mhic Fáilidh mhic Dhomhnaill Bháin, srl.; agus bhí ceathrar mac ag Eoghan, de réir na nginealach céanna—Seán an dochtúir, Filip, Toirdhealbhach, agus Éamonn *naturalis*.<sup>3486</sup> Sin léiriú maith nárbh aon bhráthair é. An lámhscríbhinn a luadh cheana, CE 18, a scríobhadh idir tús na bliana 170<sup>8</sup>/<sub>9</sub> (Ó Fiannachta 1978: 24) agus

---

<sup>3483</sup> Féach Carney (1959: 8-11) i dtaobh na n-eagrán éagsúil de ‘Geiniolach agus Craobhscaoileadh na Raghallach agus Maithe Bréifne hÍ Raghallaigh’ a scríobhadh, agus Carney (1959: 7-8) is MacKiernan (2001) i dtaobh scríbhneoir an chéad leagain, más fíor—Tomás Mac Síomóin (1614-1680), Biocáire Ginearálta na Cille Móire. Deir Carney (1959: 8) gur dóigh gur scríobhadh an leagan seo idir na blianta 1673 agus 1674 sular éirigh idir é agus Naomh Oilibhéar Pluincéad.

<sup>3484</sup> Tá cóip den cholafon, a thugann ainm an scríobhaí, agus an 2 Lúnasa 1703 mar dháta, ar f. 184, ach tá castacht ag baint leis an dáta, áfach, mar a mhínigh Carney (1959: 17-18).

<sup>3485</sup> Is é sin, leis an té a ghráf lámhscríbhinn na bliana 1703, ach ní raibh sé suite de gurbh ionann é agus scríobhaí C Add. 4205 (15). Féach Carney (1959: 18).

<sup>3486</sup> Carney (1959: 60). Is dócha nach raibh ach Éamonn Ó Raghallaigh amháin ina pháiste gréine le hEoghan.

1710, tá sí lán le tagairtí do Mhurchadh éigin, pátrún na lámhscríbhinne, is dócha, agus cuid acu ag gearán faoin tuirse a bhí ar an scríobhaí.<sup>3487</sup>

**2.206. Fearghal Ó Raghallaigh, fl.1790-6**

[Farrell O'Reilly]

**ARÉ 23D16 (506).** Blogh di.<sup>3488</sup> Dánfhocal.

**LB Eg. 155.** Formhór di.<sup>3489</sup> ‘Scéal Lomnochtáin Sliabh Rife’, ‘Tuireamh na hEireann’, laoithe fiannaíochta (cuid acu le Seán Ó Neachtain), dánta, cuid acu le hEoghan Ó Donnghaile, Conchubhar Ó Corragáin, Brian Dubh Ó Raghallaigh, Domhnall Mac Carrthaigh Mór, Séamus Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Philip Ministéir, Tomás Ó Cléirigh, Toirdhealbhadh Mac Donnchadha, Seán Cíomhán, [Muiris mac Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt, Aodh Mhac Aingil], Cearbhall Óg Ó Dálaigh, [Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin], ‘Moladh Pheigí Déin’, ‘Cáineadh an Bhodaigh’, búrdúin agus dánfhocail, cuid acu le Lord Mount Garret, Seaán Ó Maoil Chonaire, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Cáineadh Whaley’, ‘Beannughadh an Duine Bhoicht’, ‘Ceisneamh Inghine Guile’, ‘Beatha Mherlino Maligno’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, sleachta as ‘Stair Éamoinn Uí Chléirigh’, ‘Gaoil Mhuire Óighe’, ‘Críocha Déanacha an Duine’. 1790-6.

**ÓR 26.** Graiméar Gaeilge.<sup>3490</sup> 1793.

Thuairimigh Pádraig de Brún (1969: 560) gurbh ionann an scríobhaí seo agus Farrell O'Reilly (c.1741-1829), Easpag na Cille Móire. Cé go bhfuil cruthú againn gur

<sup>3487</sup> Rinneadh plé ar na colafoin i nóta 3477 cheana.

<sup>3488</sup> ARÉ 23D16 (506), lch 418. Féach nóta 3492.

<sup>3489</sup> An t-iomlán ach f. 150. Duilleog fáin atá inti a scríobh Muiris Ó Gormáin.

<sup>3490</sup> Baineadh cuid den ghraiméar seo as ‘Graiméar Uí Maoil Chonaire’; féach Mac Aogáin (1968: xxii).

scoláire Gaeilge é an tEaspag,<sup>3491</sup> dealraíonn sé nach féidir eisean a cheangal go sásúil leis an scríobhaí seo, tharla go bhfuil an chuma ar an scéal go raibh ÓR 26 i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1795, dhá bhliain i ndiaidh a scríofa ar a mhéad. Ní dócha fosta go mbeadh easpag sásta a ainm a chur, mar chóipeálaí, fiú, le cuid mhaith den ábhar atá in LB Eg. 155, ó tharla go bhfuil cuid de tíriúil go leor. An giota beag scríbhneoireachta atá in ARÉ 23D16 (506), is dócha gur bhain sé le cnuasach Mhuiris Uí Ghormáin tráth, cosúil leis an gcuid is mó de na páipéir sa chnuasleabhar sin,<sup>3492</sup> agus síolraíonn cuid mhaith d’ábhar LB Eg. 155 ó na cnuasaigh de dhánfhocail agus de bhúrdúin a chuir Muiris le chéile.<sup>3493</sup> Tá ábhar in LB Eg. 155, áfach, nach bhfuil fáil air áit ar bith eile, agus claonadh an-láidir le brath uirthi, ar an móróir, i dtreo fhilíocht Oiriaila. Chaith Fearghal tuairim is sé bliana ag scríobh LB Eg. 155 idir 1790 agus 1796,<sup>3494</sup> thart faoin am a bhfuair Muiris Ó Gormáin bás. Ní fios dom cé uaidh a bhfuair Fearghal na heiseamláirí le LB Eg. 155 a scríobh, ná goidé an chríoch a tháinig air i ndiaidh an 14 Lúnasa 1796,<sup>3495</sup> an dáta is déanaí atá lena shaothar.

---

<sup>3491</sup> Tugtar roinnt eolais faoin *Teagasg Criostuidhe* a scríobh sé, más fíor, in O’Connell (1937: 535-6).

<sup>3492</sup> Tugtar dánfhocal i bpeannaireacht Fhearghail Uí Raghallaigh in ARÉ 23D16 (506), lch 418, agus an nóta gairid seo leis: ‘[Si]r, please to translate this last verse into English, for your humble serv<sup>t</sup> has made an offer at it. Farrell O’Reilly’.

<sup>3493</sup> Is follas go raibh Fearghal ag tarraingt go mór, agus é ag cur LB Eg. 155 le chéile, ar leabhair Mhuiris Uí Ghormáin, a fuair bás thart faoin am ar cuireadh an lámhscríbhinn seo le chéile; bileog scaoilte i lámh Mhuiris Uí Ghormáin is ea f. 150, *B.M. Cat.*, ii, 87. Is fiú a lua go raibh lámhscríbhinní le Muiris á scaipeadh i gCo. na Mí agus i gcontaetha eile sa Tuaisceart i ndiaidh a bháis, gan trácht ar na lámhscríbhinní a scríobh sé féin i dtús a shaoil i gCo. Mhuineacháin. Féach DE Gen. 43D, lch 211, cóip de ‘Mac na Míchomhairle’ a rinne Peadar Ó Gealacháin as athscríobh Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh ar lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin (1761), agus COFLA MF9, cóip a rinne Aodh Ó Néill (*q.v.*) as LB Eg. 127.

<sup>3494</sup> Tá 150 duilleog in LB Eg. 155, agus scríobh Fearghal ff. 1-149b. Ní thugann sé ach trí dháta: an 8 Iúil 1790, f. 14; an 22 Aibreán 1792, f. 51; agus an 14 Lúnasa 1796, f. 108b. Féach an *B.M. Cat.*, ii, 78-9, 83.

<sup>3495</sup> Féach nóta 3494.



## 2.207. Pádraig Ó Raghallaigh [1], fl.1722-35

ARÉ 24P42(1) (1405).<sup>3496</sup> ‘Beatha Chríost’, ‘Trácht Phréimhe ár gCreidimh’, ‘Trácht ar Theacht Laoi an Bhreitheamhnais agus ar na Comhartha[i] a Thiocfas Roimhe’. 1722. [? Do Nioclás Ó Marcaigh].<sup>3497</sup>

Is beag atá ar eolas faoi Phádraig Ó Raghallaigh [1], ach go meabhródh a chuid peannaireachta, agus cuid den ábhar in ARÉ 24P42(1) (1405), dúinn go raibh ceangal éigin aige leis an ngrúpa scríobhaithe a bhí gníomhach i Stigh Colláin, Co. na Mí, sa chéad cheathrú den 18ú hAois. Tá a chuid peannaireachta an-chosúil le stíl phraiticiúil Sheoin Mhic Sholaidh, ach amháin nach léiríonn Pádraig Ó Raghallaigh

---

<sup>3496</sup> An lámhscríbhinn a raibh Cainneach Ó Maonaigh ar a tóir, mar aon le SPAA; féach Mooney (1940) agus Ó Maonaigh (1944: xix), áit a léiríonn sé gur tuigeadh dó ina dhiaidh sin nárbh é an saothar próis a bhí sa lámhscríbhinn seo ach an dán fada. Scríobhadh ARÉ 24P42(1) (1405) idir an 5 Márta 1722 agus an 28 Aibreán 1722, *R.I.A. Cat.*, 3629. Thug an scríobhaí a ainm ar lch 1, ach rinneadh díobháil ar an gcolafon, mar a luaitear san *R.I.A. Cat.*, 3629: ‘On p. 1 of our MS the scribe’s name has been blotted out (and the forename cut out of the leaf) but the surname is decipherable. This defacement was carried out by a scribbler, who in an uncouth hand, substituted his own name thus: “lé Níocholas Ó Ciaruann.”’ Níor bhac sé leis an gcolafon ar an leathanach deiridh in ARÉ 24P42(1) (1405) a athrú, ar an dea-uair. Tugadh é i gCaib. 1.2.1, colafon 3, thuas, ach is fiú é a thabhairt athuair,

Arna sgriobhtha le Pattrraig O Riaghallaigh an hochtmhadh la 20 do mhí an Athbraon 7 an bhliadhain d’Aois an Tig[h]earna 1722. Agus gach duine chifios no léighfiós e, tugadh beanna[cht] ar anmonn an sgriobhneoir, 7 na dearmoid an sealbhuidhóir [i bpeannaireacht eile:] .i. Nioclas Ó Marcaigh.

Pléitear Nioclás Ó Marcaigh i nóta 3497.

<sup>3497</sup> Is beag atá ar eolas faoi Nioclás Ó Marcaigh. Luadh sa chuntas a tugadh ar cholafoin Phádraig Uí Raghallaigh [1], i nóta 3496 thuas, go ndearnadh díobháil ar cheann acu, agus tugadh an dara colafon ina iomláine, áit a dtagraíonn Pádraig don ‘sealbhuighdóir’ gan a ainm a thabhairt. Chuir duine éigin an nóta ‘.i. Nioclas Ó Marcaigh’ díreach ar lorg an fhocail ‘sealbhuighdóir’, Nioclás Ó Marcaigh é féin, is dóigh. Ar an ábhar go ndearnadh dochar don cholafon eile, bheadh leisce orm glacadh leis sin ar fhaisnéis an nóta féin. Is dóigh liom, cibé rud é, gur le Nioclás Ó Marcaigh an lámhscríbhinn lá den saol, agus gurbh eisean a chuir a ainm isteach sa cholafon deiridh. Ba dhóigh le Tomás Mac Con Cheanainn, *R.I.A. Cat.*, 3629, gurbh eisean a scríobh isteach léamha breise ar lgh 3, 4, 7, 9, srl., ach níl mé suite de gur scríobh sé iad. Shínigh sé a ainm i mBéarla fosta ar leathanach teidil na lámhscríbhinne, ‘Nich: Markey’, ARÉ 24P42(1) (1405), lch 1. Léifinn ar an bpeannaireacht go raibh sé ina bheatha sa chéad leath den 18ú hAois. Is spéisiúil an ní é, ó tharla gurbh as Stigh Colláin, paróiste in oirthear Cho. na Mí, do Phádraig Ó Raghallaigh [1], go raibh cléireach darbh ainm Nicholas Markey (*ob.*1762) i gClochar [= Ceann Chlochair], paróiste in oirdheisceart Cho. Lú. Chuir sé a ainm leis an gcéad leathanach de *Chlár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, Clochar*, 1742-99, taobh le taifid na bliana 1744, agus téann an síniú ‘Nich: Markey’, go measartha maith, ó thaobh na peannaireachta de, leis an gceann a thugtar ar leathanach teidil lámhscríbhinn Phádraig Uí Raghallaigh [1]. Tugtar le fios i liosta sagart a cuireadh leis an gclár céanna, ar an leathanach céanna agus taifid baistí na bliana 1762, gur tháinig an tAth. Markey chun an pharóiste sa bhliain 1741, agus go bhfuair sé bás an 21 Feabhra 1762. Scríobhadh an nóta seo idir na blianta 1785 agus 1790. Ní féidir a bheith suite de, ar an drochuair, gurb é an duine céanna é agus úinéir ARÉ 24P42(1) (1405). Chuir Felix O’Gallagher a ainm leis an lámhscríbhinn, taobh leis an dáta 1770, ar lch 1.

[1] an tuiscint chéanna ar ortagrafaíocht na Gaeilge. Deir Pádraig é féin go raibh cónaí air i Stigh Colláin i nóta<sup>3498</sup> a scríobh sé ar an 23 Lúnasa 1735 in SPAA (a), lámhscríbhinn ar scríobh Éamonn Ó Raghallaigh (q.v.) ón áit chéanna a mórchuid idir 1729 agus 1731 (de Brún 1999: 88).

**2.208. Pádraig Ó Raghallaigh [2], fl.1817-47** [Patrick Reilly]<sup>3499</sup>

**COBÁC C4.** ‘Eachtra na gCuradh’ (cuid di). 1826.<sup>3500</sup>

**DE Gen. 1841/1.**<sup>3501</sup> Dán le Séamus Mac Cuarta, laoiithe fiannaíochta. 1817-18.

**LN G692.** Dánta le Peadar Ó Doirnín agus le hArt Mac Cumhaigh, aistriúchán Béarla ar dhán de chuid Airt Mhic Cumhaigh le Pádraig Ó Raghallaigh [2]. Baile Roibeaird, An Chill Bheag, An Mhí 1847. Do *James Reilly*.<sup>3502</sup>

---

<sup>3498</sup> Féach nóta 3473.

<sup>3499</sup> An leagan a d’úsáideadh Pádraig é féin (LN G692, lgh 3, 6), agus cara leis, Peadar Ó Gealacáin. Féach DE Gen. 43D, lch 700 (nóta 3504 thíos), agus an nóta a chuir Peadar Ó Gealacáin le COBÁC C4 i nóta 3500.

<sup>3500</sup> Ní thugtar log scríofa, ach ligeann nóta a scríobh Peadar Ó Gealacáin, rud atá taobh istigh den chlúdach tosaigh, scríobhaí COBÁC C4 a cheangal le scríobhaí LN G692. Tá an nóta i gcló in Ó Buachalla (1968: 131), ach is fiú é a thabhairt ina iomláine. D’athraigh mé an foncaíocht beagán.

This long-lost valuable manuscript belongs to M<sup>r</sup> Pa<sup>tr</sup> Reilly, Robertstown, who lent it in the year of ——— to the late Francis Farrelly of Tullypole, parish of Moynalty, who lent it to some other man, and from that man to another. It was found by P. Gallegan with a third or fourth borrower about 2 or 3 miles below the Tory Bush, after a close research for it after about 3 days. I hope it will not be used in such a manner anymore. It was repaired on the 19<sup>th</sup> of Aug. 1841 by P. Gallegan’.

Féach nóta 1125 i dtaobh Phroinsias Uí Fhaircheallaigh (Francis Farrelly).

<sup>3501</sup> Féach nóta 2740 thuas, áit a bhfuil plé ar an gceangal a bhí ag E. G. Finnerty, an té a cheannaigh 16 lámhscríbhinn ó Pheadar Ó Gealacáin, leis an lámhscríbhinn seo.

<sup>3502</sup> Níl mórán eolais in LN G692 i dtaobh an phátrúin, James Reilly, ach go raibh cónaí air i mBaile Átha Cliath thart ar an 21 Eanáir 1847; féach LN G692, lch 6.

Is féidir gurb ionann an pátrún seo agus James Reilly (fl.1821-9), máistir scoile ó Bhaile an Rátha, Co. na Mí, ar a dtugtar cuntas in de Brún (2009: 433-5). Rugadh i gCo. an Chabháin é. Is féidir, mar a luadh sa chuntas sin, go bhfuair sé lámhscríbhinn eile le Pádraig Ó Raghallaigh [2], DE Gen. 1841/1, sa bhliain 1829: féach na tagairtí a dhéantar do J. Reilly (*al. Semu[s] O Rathailaigh*) in DE Gen. 1841/1, lgh 117, 158-9. Téann rud beag amháin ina aghaidh sin. Tagraíonn de Brún (2009: 434) do nóta a scríobh Mason san *History of the Irish Society* (1846), ina dtráchtar ar James Reilly sa dóigh go léifí ar chaint Mason go raibh sé marbh. Ar an taobh eile den scéal, fuair an *Irish Society* réidh leis sa bhliain 1829, agus is féidir go míníonn sé sin an scéal.

Más fíor gur mhair an scríobhaí seo go dtí lár na 19ú hAoise, agus go raibh cáil éigin air mar scríobhaí, is ar éigean is féidir teacht ar eolas ar bith faoi, ach a bhfuil sna lámhscríbhinní féin, toisc a liacht sin duine darb ainm Patrick Reilly a luaitear sna taifid, agus gan a fhios a bheith againn go díreach cá raibh cónaí ar an scríobhaí seo againn don chuid is mó dá shaol. Is dóigh le de Brún (2009: 437) gur féidir go bhfuil an scríobhaí seo le ceangal leis an máistir scoile a fuair téacsanna cráifeacha saor in aisce ón *Irish Society* sa bhliain 1823, agus díolaíocht bheag uathu sa bhliain 1827.

Lámhscríbhinn thar a bheith garbh is ea í an chéad iarracht de chuid Phádraig Uí Raghallaigh [2] a tháinig aníos chugainn, DE Gen. 1841/1, agus is féidir gurb é rud atá inti a chéad iarracht ar lámhscríbhinn a chóipeáil, óir tá an pheannaireacht go dona, an ortagrafaíocht lag, agus tá an lámhscríbhinn trí chéile lán le hearráidí follasacha. Bhí feabhas nach beag tagtha ar a chumas peann a láimhseáil naoi mbliana ina dhiaidh sin, nuair a scríobh sé COBÁC C4. Chuir ‘John Reilly, Foxglen(?)’ éigin a ainm agus a sheoladh le DE Gen. 1841/1 i gcúpla áit, mar aon le ‘Semu[s] O Rathailaigh’ éigin; d’fhéadfadh sé go raibh páirt aige leo.<sup>3503</sup> Nuair a chuir Peadar Ó Gealacáin liosta scoláirí Gaeilge le chéile thart ar an mbliain 1841, chuir sé cros bheag in aice le hainm Phádraig mar chomhartha go raibh aithne aige air.<sup>3504</sup> De bhreis air sin, bhain Peadar Ó Gealacáin cuid d’ábhar COC M55 (55), a grafadh sa bhliain 1825, as lámhscríbhinn le Pádraig Ó Raghallaigh [2] atá cailte anois: blianta fada i ndiaidh a scríofa, chuir Peadar Ó Gealacáin nóta le COC M55 (55), á rá gur baineadh cuid di as lámhscríbhinn de chuid Philip Uí Chaiside—ar a dtugtar LB Add. 40766 anois; agus an chuid eile as ‘a small manuscript which was

---

<sup>3503</sup> DE Gen. 1841/1, lgh 18, 31.

<sup>3504</sup> DE Gen. 43D, lgh 699-700. Is é an teideal atá ar an liosta: ‘A list of all the principal Irish bards, both ancient and modern, as follows. The names having this mark † were contemporary with the owner of this Book, and familiarly acquainted with him’. Faoi Uimh. 37, tá ‘Pat<sup>k</sup> Reilly †’ (lch 700).

written by Patt Reilly Robertstown'.<sup>3505</sup> Scríobhadh COC M55 (55) idir an 20 Eanáir 1825 agus an 11 Aibreán 1825, ach ós rud é go dtagraítear do Phádraig Ó Raghallaigh [2] sa nóta déanach sin amháin, ní féidir a bheith siúrálte go raibh cónaí air i mBaile Roibeaird sa bhliain 1825.

Is éard atá sa chéad leabhar eile atá againn ó lámh Phádraig, COBÁC C4, cóip neamhiomlán de 'Coimheasgar na gCuradh' agus 'Eachtra na gCuradh' a scríobhadh sa bhliain 1826.<sup>3506</sup> Thug Pádraig tamall di do Phroinsias Ó Faircheallaigh ó pharóiste Mhaigh nEalta agus, tar éis di dul ar seachrán, fuair agus dheisigh Peadar Ó Gealacáin í ar an 19 Lúnasa 1841.<sup>3507</sup> Chuir sé nóta gearr léi, mar ba ghnách leis, ina n-áitítear go raibh Pádraig ina chónaí i mBaile Roibeaird, An Chill Bheag, Co. na Mí, ansin. Thug Pat Reily 'meersman(?)' ó pharóiste na Cille Bige, cuidiú do lucht na Suirbhéireachta Ordanáis logainmneacha áitiúla a réiteach am éigin idir na blianta 1835 agus 1836 (de Brún 2009: 437), ach ní fios an é an scríobhaí é. Is eol dúinn gurbh fhile é Pádraig, nó tugann *Réimchnuasacht Pheadair Uí Ghealacáin*, DE Gen. 43D, a scríobhadh idir na blianta 1841 agus 1844, le fios go dtiontaíodh Pádraig téacsanna go Béarla agus go Gaeilge. D'aistrigh sé mairgne ar Jemmy Green, fear áitiúil, go Gaeilge, agus mairgne Ghaeilge ar Sheán Ó Raghallaigh go Béarla. Tugtar an méid seo eolais sa cheannteideal atá leis an gcéad dán i lámhscríbhinn Pheadair,

The Lamentation of Jemmy Green, in English, translated into Irish verse by one Pat<sup>k</sup> Reilly of Robertstown in the County of Meath, between Nobber & Kells. He is a considerable scholar of the English language, and more particularly of the Irish.<sup>3508</sup>

<sup>3505</sup> Féach an nóta a scríobh Peadar Ó Gealacáin in COC M55 (55), lch 272, a bhfuil cóip de in Ó Conchúir (1991: 139). An chuid is mó den ábhar Gaeilge atá in COC M55 (55), tá sé in LB Add. 40766 fosta, ach amháin 'Críocha Déanacha an Duine', 'Seanmóir ar an bPáis', agus 'An tSaltair Mhuire'.

<sup>3506</sup> Tugtar an 4 Nollaig 1826 mar dháta ar lch 158.

<sup>3507</sup> Féach nóta 3500. Tugtar plé gairid ar Phroinsias Ó Faircheallaigh i nóta 1125.

<sup>3508</sup> Tosaíonn an t-aistriúchán Gaeilge leis an líne, *Dá n-éisteadh cách éigin, go ndearbhóim doif an sgéala*, DE Gen. 43D, lch 475. Bhunaigh Pádraig an t-aistriúchan ar dhán Béarla a thosaíonn leis an líne *Good people give attention to these few lines I mention*.

Bhí cónaí ar an dara fear, Seán Ó Raghallaigh (mac le Séamus mac Cathaoir Uí Raghallaigh), sa Chill Bheag, áit ar chaith Pádraig cuid mhaith dá shaol. Ba é Matha Ó Manacháin a chum an leagan Gaeilge,<sup>3509</sup> agus is féidir go raibh páirt ag Pádraig Ó Raghallaigh leis an Seán Ó Raghallaigh seo, nó go raibh aithne mhaith aige air, cibé rud é. Bhí sé amuigh ar Phádraig gur aistrigh seisean agus Phil Thornton,<sup>3510</sup> máistir eile de chuid an *Irish Society*, ‘Feartlaoi Pheadair Uí Dhoirnín’ go Béarla.<sup>3511</sup> Tá autograf den aistriúchán seo, taobh leis an dán Gaeilge, in LN G692, rud a scríobh Pádraig do James Reilly i mBaile Roibeaird, An Chill Bheag, ar an 21 Eanáir 1847.<sup>3512</sup> Ní léir cén crann a thit air ina dhiaidh sin.

Is fiú an beagán tagairtí a dhéantar don mháistir sin Patrick Reilly a phlé. Fuair duine éigin darbh ainm sin £1.10.0 ón *Irish Society* i mí na Bealtaine 1827 (de Brún 2009: 436-7), agus más ionann eisean agus an té a raibh scoil aige i nDún an Rí, Co. an Chabháin, nuair a cuireadh *Tuarascáil* 1824, 308-9, le chéile, ní dóigh go bhfuil sé le ceangal leis an scríobhaí seo againn. Déantar tagairt amháin don mháistir céanna, is dóigh, i nóta a priontáladh ar *Quarterly Extracts* an chumainn sin i mí Dheireadh Fómhair 1823,

To P——— R——— who some time ago lived near M[oyalty?], I gave a Testament and Pentateuch, for which he was very thankful. He lives below A———, and is a good Irish scholar. I thought, therefore, it would be well to

<sup>3509</sup> Tugann Peadar Ó Gealacháin an nóta seo ar an dán: ‘The Elegy, or Lamentation, of M<sup>f</sup> John Reilly of Kilbeg, near Kells, in the County of Meath. It was originally composed by M<sup>f</sup> Mathew Monaghan, ... This song was also translated into English by Pat<sup>k</sup> Reilly of Robertstown...’, DE Gen. 43D, lch 479. Féach ll. 1-2, 9-10, sa leagan Gaeilge,

Sé Eoin Óg mhac Shéamuis mhic Chathaoir Uí Rághallaigh,  
bhí soirbh, céilligh, ann gach cáil, ...

Atá Cill Bhig an Mhóta, go tuirseach brúigte,

gan chroídhe gan súgradh gan stair gan dáin, ... DE Gen. 43D, lch 480.

<sup>3510</sup> Féach an cuntas a thugtar air in Ó Muirgheasa (1933: 135-6; 2015: 302-3), rud a baineadh as lámhscríbhinn Pheadair Uí Ghealacháin, DE Gen. 43D.

<sup>3511</sup> LN G1152, lch 294, ‘An English Translation of O Durnan’s Elegy supposed to be jointly done by Phil Thornton and Pat<sup>k</sup> O’Reilly of Robertstown, Co. of Meath’, dar le Peadar Ó Gealacháin. Tosaíonn an t-aistriúchán mar seo a leanas, *On Yellowford hill, meditating one morning in spring*. Féach go bhfuil cóip eile den aistriúchán i lámh Phádraig féin in LN G692.

<sup>3512</sup> LN G692, lch 6.

put them into his hands, as he is a piper and goes much through the country.<sup>3513</sup>

## 2.209. Phillip Ó Raghallaigh

CT H.5.9 (1381). Blogh di.<sup>3514</sup> Rann.

Más beag atá againn ó lámh an duine seo, a bhí beo sa dara leath den 17ú hAois, is spéisiúil an ginealach a d'fhág sé ina dhiaidh: Phillip mac Aodha mhic Sheáin mhic Aodha Chonallaigh (*ob.*1583)<sup>3515</sup> mhic Mhaolmhórdha (*ob.*1565) mhic Sheáin (*ob.*1510) mhic Cathail (*ob.*1467) mhic Eoghain na Féasóige (*ob.*1449) [? mhic Eoghain] mhic Sheáin (*ob.*1400) mhic Phillip (*ob.*1384) mhic Giolla Íosa [Ruaidh] Uí Raghallaigh (*ob.*1330),<sup>3516</sup> agus mar sin siar. Bhí col ceathrar leis, Seán Ó Raghallaigh (*q.v.*), in ann Gaeilge a scríobh.

## 2.210. Proinsias Ó Raghallaigh [1],<sup>3517</sup> *fl.*1727

LB Eg. 179. Blogh di. ‘Beatha Chríost’ (cuid di).<sup>3518</sup> 1727.

Níor scríobh Proinsias Ó Raghallaigh [1] ach an chéad chúpla duilleog de LB Eg. 179, ach is ábhar spéise gurb é rud atá sa lámhscríbhinn, an dán Muimhneach úd, ‘Beatha Chríost’, inar chuir cuid de lucht comhaimsire Sheoin Mhic Sholaidh spéis—Éamonn Ó Raghallaigh agus Pádraig Ó Raghallaigh [1] (*qq.v.*) ina measc. Léirigh de Brún (1999: 91) go bhfuil ceangal láidir ag LB Eg. 179 le SPAA (*b*), ó

---

<sup>3513</sup> de Brún (2009: 436).

<sup>3514</sup> Féach nóta 3524 thíos, áit a bhfuil plé ar na lámha éagsúla atá sa leabhar seo. Níor scríobh Phillip ach rann beag ar lch 82.

<sup>3515</sup> Cóipeáladh na dátaí seo as Breathnach (1932c: 131). Tugtar eolas breise in Carney (1950; 1959).

<sup>3516</sup> Priontáladh anseo an ginealach mar atá sé in CT H.5.9 (1381), ach amháin gur cuireadh dátaí báis leis, agus cuireadh Eoghan Ó Raghallaigh isteach thuas idir lúibíní, óir níl trácht air i seanchóip den ghinealach atá in ARÉ E.iv.1 (751), rud a cuireadh i gcló in Breathnach (1932c: 131). Tá cóip den bhuntéacs, mar atá sé in CT H.5.9 (1381), i nóta 3524 thíos.

<sup>3517</sup> Tharla nach bhfuil na lámha in LB Eg. 143 agus in LB Eg. 179 cosúil lena chéile, cloítear leis gur ghráf beirt scríobhaithe ar leith iad.

<sup>3518</sup> Ff. 1-5b amháin.

thaobh ábhair agus leagan amach, sa dóigh gur féidir, dar leis, gur cóipeáladh ceann den dá lámhscríbhinn seo as an gceann eile, nó gur baineadh iad as eiseamláir choiteann éigin. Diomaite de nach féidir Proinsias Ó Raghallaigh [1], LB Eg. 179, ná SPAA (b) a cheangal le log ar bith,<sup>3519</sup> tuigeadh do Flower, *B.M. Cat.*, ii, 40, gur dóigh gurbh as Co. an Chabháin nó Co. na Mí don scríobhaí. Is dóigh gurbh é sloinne an scríobhaí a thug ar Flower sin a áiteamh, agus bheadh tuilleadh eolais ag teastáil lena cheangal go sásúil le ceann ar bith de na contaetha seo. Ghráf Francis O'Reilly éigin cóip de 'Foras Feasa air Éirinn' sa bhliain 1731, ach ní féidir teacht ar an lámhscríbhinn anois, agus is féidir gurbh é Proinsias Ó Raghallaigh [2], nó scoláire eile ar fad, a scríobh í.<sup>3520</sup>

### 2.211. Proinsias Ó Raghallaigh [2], fl.1737

[Francis O'Reilly]

**LB Eg. 143.** Formhór di.<sup>3521</sup> Tráchtais ghramadaí. 1 Sr. Thomáis, Baile Átha Cliath 1737.

Tá na tráchtais ghramadaí in LB Eg. 143 le fáil i lámhscríbhinn eile, LN G332, a scríobh Seán Ó hÉidéin sa bhliain 1732 san áit chéanna agus ar scríobhadh lámhscríbhinn Phroinsias Uí Raghallaigh [2], Sr. Thomáis, Baile Átha Cliath.<sup>3522</sup>

Thaispeáin Mac Aogáin (1968: xvi, xxii) gur fhág cuid mhaith de scríobhaithe scoil Thaidhg Uí Neachtain cóipeanna nó codanna de na téacsanna gramadaí seo ina ndiaidh. Ní heol dom go ndearna Proinsias Ó Raghallaigh [2] mórán oibre riamh i

<sup>3519</sup> Cé gurb eol dúinn gur ghráf Éamonn Ó Raghallaigh (*q.v.*) SPAA (a) i gCo. na Mí, níl aon eolas agam a thabharfadh le fios go raibh baint ar bith ag SPAA (a) agus SPAA (b) lena chéile go dtí gur cheangail Archer and Sons le chéile iad do Roibeard Mac Ádhaimh.

<sup>3520</sup> *B.M. Cat.*, ii, xxvii. Thugtaí Phillipps 6931 uirthi tráth.

<sup>3521</sup> Tá ff. 98b ar aghaidh i láimh eile; níl ach nótaí ar ff. 1-2, 73. Féach an *B.M. Cat.*, i, 167.

<sup>3522</sup> Thug Ní Shéaghdha, *N.L.I. Cat.*, viii, 2, faoi deara go bhfuil cuid mhaith cosúlachtaí idir an t-ábhar atá in LB Eg. 143, a grafadh i Sr. Thomáis, 1737, agus an t-ábhar atá in LN G332. Ghráf Seán Ó hÉidéin formhór LN G332 ar an tsráid chéanna sa bhliain 1732, ach an méid a scríobh Thaidhg Ó Neachtain ar lch 148 col. 1-5*m*. Ghráf scríobhaí anaithnid cuid den ábhar ar lgh iv, 148 col. 5*i*-169, idir na blianta 1736-<sup>7</sup>/<sub>8</sub>. Maidir le Seán Ó hÉidéin, féach Caib. 1.4.6.1.

bpáirt le scríobhaithe chiorcal Thaidhg Uí Neachtain, ach is dóigh go raibh aithne aige ar chuid mhaith de bhaill na scoile sin. Is féidir gurbh eisean a scríobh lámhscríbhinn chaillte na bliana 1731, rud a luadh cheana sna nótaí ar Phroinsias Ó Raghallaigh [1].

### 2.212. Seán Ó Raghallaigh

**CT H.5.9 (1381).** Blogh di.<sup>3523</sup> Dánta, cuid acu le Pádraig Ó Siadhail, Tadhg Dall Ó hUiginn, Fearghus Óg Mac an Bhaird, Eoghan Ó Dubhthaigh, laoi fiannaíochta, [‘Lucht na Simléirí’], dánta grádha, dán molta ar Aodh mac Thoirdhealbhaigh Uí Raghallaigh ‘Ceann Cléire Chille Móire’, dánfhocail, ‘Agallamh Fhinn agus Ailbhe’, comhairleacha (ar a dtugtar ‘Comhairle Chato’ i lámhscríbhinní eile).

Ghraf an duine seo cuid mhaith téacsanna isteach in CT H.5.9 (1381), a bhí idir lámha tráth ag a chol ceathrar, Phillip Ó Raghallaigh (*q.v.*). Seán mac Cathaoir (?) mhic Sheáin mhic Aodha Chonallaigh (*ob.*1583) Uí Raghallaigh a bhí air. Is dóigh go raibh sé beo sa tríú ceathrú den 17ú hAois.

### 2.213. Toirdhealbhadh Ó Raghallaigh, *fl.*1684(?)

**CT H.5.9 (1381).** Formhór di.<sup>3524</sup> Dánta, cuid acu le Diarmaid Ruadh [Ó Muireadhaigh], Toirdhealbhadh Ó Conchubhair, amhráin ghrá, dánta grádha,

---

<sup>3523</sup> Féach nóta 3524 thíos.

<sup>3524</sup> Is doiligh fordhealú beacht a dhéanamh idir na lámha éagsúla atá in CT H.5.9 (1381), tharla gurb iomaí athrú a thagann ar an dá phríomhláimh, sa dóigh nach éasca a rá cá mhéad duine a bhí páirteach sa scríobh. Aithním dhá phríomhscrípt sa chuid lárnach den lámhscríbhinn, sin lgh 5-194. Tá lgh 1-4 in dhá láimh eile: ghráf Feidhlime Mhag Uidhir (*q.v.*) lgh 1-2; agus is i láimh an té a scríobh LN G447, lgh 29-84, atá lgh 3-4; ní fios cérbh é. An méid eile den lámhscríbhinn, lgh 5-194, tharla a shalaí atá, agus líon na mbreiseanna atá inti ó lámha éagsúla, is doiligh sceideal cruinn de na lámha



giotaí Béarla agus Laidine, ‘Comhradh an Anma agus an Choirp’, dánfhocail.

1684(?).<sup>3525</sup>

Ba ghnách le roinnt mhaith scríobhaithe a nginealach a thabhairt dúinn áit éigin i measc a gcuid scríbhinní, ach is dearbh go bhfuair an duine seo an ceann is fearr orthu uilig nuair a líon sé cúig leathanach leis an méid seo a leanas: ‘Ag seo leabhar Thoirrdhealbhuigh Uí Raghallaigh mac Cathaoir mhic Pilip mhic Emoin mhic Seain

---

éagsúla a leagan amach. Níl i gceist sa chuid eile den nóta seo ach iarracht shealadach ar an bhfadhb seo a réiteach. Ba iad Seán Ó Raghallaigh agus Toirdhealbhach Ó Raghallaigh na príomhscríobhaithe. Ghráf an chéad phríomhscríobhaí, Seán Ó Raghallaigh, a bhfuil ó lch 5 go dtí lch 60. Tá cuid mhaith de na leathanaigh as alt sa lámhscríbhinn, sa dóigh go dtosaíonn an téacs, *Sgol gan oide an t-ord gaisgidh*, ar lch 46, agus stopann sé ar lch 38—áit a dtéann an lámh agus an dúch chun donais beagán—agus tá, sa dúch caol tréigthe seo, an t-ainm ‘Seain Ó Raghallaigh’ scríofa ag bun lch 38. Ba dhóigh le hÓ Macháin (2010: 96), a chuir an dán seo in eagar, gur chóipeáil Seán Ó Raghallaigh é, agus creideann sé go raibh sé ag scríobh ag deireadh na 17ú hAoise. Duilleog fhillte fáin atá i lgh 61-4; tá lgh 61, 64 bán agus líon Aodh Ó Dálaigh (féach nóta 60) lgh 62-3. Is dóigh liom gur scríobh Seán Ó Raghallaigh lgh 65-82 fosta, ach amháin go bhfuil, ar lch 82, rann i láimh chruinn, maille leis an nginealach, ‘Phillip mac Aodh’ mhic Seain mhic Aodh’ Chonallaigh mhic Maolmorrda mhic Seain mhic Cathail mhic Eoghain na Feasoige mhic Eoghain mhic Seain mhic Phillip mhic Giollaosa [et] reliqua’. Is dóigh liom gur scríobh an Phillip Ó Raghallaigh (*q.v.*) seo an rann sin. Faoin nginealach seo, tá ceann gairid eile sa lámh chreathach a pléadh cheana, ‘Sean mac [?] Si]thir [?] recte Cathaoir] mhic Seain mhic Aodh Conn[...]’. Mac dearthár athar leis an Phillip a luaitear sa chéad cheann, mar sin.

Is í an dara príomhlámh, lámh Thoirrdhealbhagh Uí Raghallaigh, atá freagrach as an gcuid is mó dá bhfuil ar lgh 83-165: déarfainn gur scríobh sé lgh 83-8, 96, 98-103, 106-8, 113-43, 147-65, nó codanna díobh. Tá cuid mhaith breiseanna, srl., ar na leathanaigh seo, nó ar na leathanaigh eatarthu, nach dóigh, nó nach féidir a bheith siúrálte, gur scríobh Toirdhealbhach iad: (1) lgh 89-97, ar scríobh Seán Ó Raghallaigh iad, b’fhéidir; (2) lgh 94-5, mórán scribleála; (3) lch 97, lámha éagsúla; (4) lgh 104-5, ábhar Laidine nach fios cé a scríobh; (5) lgh 108-12, ábhar Béarla, ach thuigfí ó leagan amach na leathanach nach ábhar breise atá ann, agus is dóigh gur scríobh Toirdhealbhach an méid sin; (6) cuid de lch 125 atá i láimh atá iontach cosúil le stíl Sheáin Uí Raghallaigh; (7) cuid de lch 142; (8), lgh 144-6, ábhar Béarla; (9) lch 166, litir ó Conner Reilly. Is maith an lámh sin Thoirrdhealbhagh, agus tosaíonn sé ar lch 83 lena ghinealach féin, ní atá i gcló sa chuntas air thuas; tá ginealach a athar, Cathaoir Ó Raghallaigh, ar lch 98—féach fosta nóta 3526. Chaith léitheoir éigin a dhúthracht le dán ar lch 103 a chealú trí dhúch a smearadh air, agus ón méid de atá inléite go fóill, is i láimh Thoirrdhealbhagh atá sé go deimhin, agus déantar tagairt ann do Thoirrdhealbhach Óg éigin; b’fhéidir gur rann scríobhaí atá ann. Scríobh duine éigin an t-ainm ‘Torrdealbhadh O Reaghal[...] / 1684’ ar lch 145—níorbh é an scríobhaí a ghráf sin, agus is é sin an t-aon dáta atá ar an leabhar, go bhfios dom. Deir O’Sullivan (1976: 249) go ndearna Aodh Ó Dálaigh iarracht na codanna tréigthe a dheisiú thall is abhus, rud a mhíneodh luaineacht na peannaireachta i gcúpla áit. Is dóigh liom go ndearna scoláire éigin an dúch a athnuachan ar lgh 107, 149-52, ach—i gcead d’Aodh Ó Dálaigh é féin—ní cheapaim gurbh eisean a rinne an obair. Mar a dúradh cheana, is féidir gur scríobh Seán Ó Raghallaigh lgh 89-97, 125, agus tá lorg a láimhe le feiceáil ar lgh 167-194, is dóigh liom.

Déarfainn go sealadach, mar sin: (1) gur scríobh Phillip Ó Raghallaigh cuid de lch 82; (2) gur le Seán Ó Raghallaigh lgh 5-60, 65-82, 89-97, [?] 125], 167-94; (3) agus gur scríobh Toirdhealbhach Ó Raghallaigh lgh 83-8, 96, 98-103, 107-8, [?] 108-12], 113-43, 147-65, nó an chuid is mó díobh.

<sup>3525</sup> Féach nóta 3524 thuas.

[*mhic Émoinn*]<sup>3526</sup> *mhic Giollaosa mhic Foilidh mhic Dom[h]nuill Bhain mhic Seain mhic Philip mhic Giolláosa Ruaidh mhic Dom[h]nuill mhic Cathail mhic Annadh mhic Cathail mhic Gofraidh mhic Mhic na hOídhc[h]e mhic Con Chonnacht mhic Oirgiallaigh mhic Airtéin mhic Raghallaigh...*,<sup>3527</sup> agus uaidh sin siar go Seth mac Ádhaimh. Tríd an méid sin a chur i gcomparáid lena dtugtar i saothar Thomáis Mhic Shíomóin, tá cruthú againn nár cuireadh mórán leis ina dhiaidh sin; mac amháin a bhí ag Toirdhealbhadh, Feidhlimidh ‘.i. an sagart’.<sup>3528</sup> Thug T. F. O’Rahilly (Ó Rathile 1926: viii; O’Rahilly 1927: 78) faoi deara go bhfuil luach ar leith ag baint leis an lámhscríbhinn seo, óir tá bailiúchán maith dánta grádha agus ábhar eile de chuid na 17ú hAoise inti: ‘The MS. is unfortunately faded and difficult to decipher ... a specimen of the many Irish poems which have tantalizingly been preserved only in a single imperfect copy’;<sup>3529</sup> agus is measa an chaill é, mar sin, go bhfuil CT H.5.9 (1381) dreoite agus caite go mór.

#### 2.214. Peadar Ó Ruadháin, *fl.*1755-76

[Peter Rowan]

**ARÉ 23A32 (786).** Formhór di. ‘Tóraidheacht Fiacaíl Ríogh Gréag’, ‘Oidhe Chloinne hUisneach’ (formhór di), ‘Eachtra agus Imtheacht Chloinne Ríogh na hIoruaidhe’, ‘Mac na Míchomhairle’ (formhór de), ‘Eachtra agus Airdscéal Chaoil an Iarrainn mac Ríogh na Teasáile’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, Teagasc Críostaí, dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh, Bonabhentura Ó hEodhasa, dánfhocail, ‘Dán Mhaoise’. 1758. Dó féin.<sup>3530</sup>

<sup>3526</sup> Fágadh an ghluín seo ar lár i nginealach Thoirdealbhaigh Uí Raghallaigh, ach tá an craobhscaoileadh curtha ina cheart aige sa leagan eile atá aige, ginealach a athar, Cathaoir Ó Raghallaigh, rud a scríobhadh ar lch 98.

<sup>3527</sup> CT H.5.9 (1381), lgh 83-4. Stadann an ginealach leis an gcéad fhear ar lch 87.

<sup>3528</sup> I gcló in Carney (1959: 60).

<sup>3529</sup> Nóta ar dhán as CT H.5.9 (1381) a cuireadh in eagar in O’Rahilly (1927: 78).

<sup>3530</sup> Féach an colafon in ARÉ 23A32 (786), lch 268. Tugtar cóip de i gCaib. 1.3, colafon 136.

Is dócha gurb ionann an scríobhaí seo agus an ‘Peter Rowan’ ónar thosaigh Richard Levinge, High Park, Co. na hIarmhí, a fhoghlaim Gaeilge ar an 27 Aibreán 1755, de réir iontrála a chuir sé i gcín lae dá chuid.<sup>3531</sup> Dealraíonn sé go bhfuair Levinge réidh leis sul i bhfad, óir bhí duine eile, Tomás Ó Miadhacháin, ceaptha ina áit sa bhliain 1756.<sup>3532</sup> Cé nach dtugann an scríobhaí féin log ar bith sa lámhscríbhinn, tá cruthú againn gur chaith sí tréimhse i gCo. na hIarmhí, toisc gur shínigh ‘Patrick Daily of the parish of Killucan’<sup>3533</sup> í agus go raibh sí i gCo. na Mí sa chéad leath den 19ú hAois nuair a chuir Peadar Dubh Ó Dálaigh léi.<sup>3534</sup> Má léim i gceart nóta a cuireadh leis an lámhscríbhinn féin, ARÉ 23A32 (786), bhí Peadar Ó Ruadháin fós ina bheatha sa bhliain 1776, ach is doiligh a dhéanamh amach go sásúil cé acu an scríobhaí nó Tomás Stafford (*q.v.*), léitheoir déanach ó Cho. na Mí, a bhí freagrach as an dáta sin a chur leis an lámhscríbhinn.

## 2.215. Brian Ó Ruairc, *fl.*1841-2

[Bryan Roarke]

**COC T<sup>1</sup>37 (37).** ‘Eachtra an Amadáin Mhóir’, ‘Laoi an Mhaighre Bhoirb’, ‘Marbhna Eoghain Mhic Dhiarmada’, ‘Laoi an Fhiaich’, ‘Tagra na Muice agus an Chléirigh’, dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh, Brian Ó Cathaláin, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Gearailt Ó Cuiléan, Bonabhentura Ó hEodhasa, Uilliam Óg Ó Dubhshláine, ‘Cáineadh Whaley’, ‘Críocha Déanacha an Duine’, ‘Laoi an Deilg Ghéir’, ‘Mac na Míchomhairle’,<sup>3535</sup> ‘Eachtra

<sup>3531</sup> Tagairt a d’aimsigh Pádraig Ó Fágáin (1985: 104-5). Tugann sé an méid seo i dtaobh Richard Levinge: ‘Bhí dhá ionad cónaithe ag Sir Richard, ceann ag Levington Park in aice le Loch Uair agus ceann ag High Park (i.e. Caisleán Cnoc Droighin). Gheofar tuilleadh sleachta as cín lae a scríobh Richard Levinge in Ó Fágáin (1985: 105).

<sup>3532</sup> Scríobh Tomás Ó Miadhacháin chuig Richard Levinge i nGaeilge ar an 8 Bealtaine 1756, agus rinne sé téacsanna Gaeilge a sholáthar dó (*Breathnach* 1940*b*: 210; Ó Fágáin 1985: 105). Féach nóta 63 thuas.

<sup>3533</sup> ARÉ 23A32 (786), lch 108.

<sup>3534</sup> Féach nóta 2351 thuas.

<sup>3535</sup> Leagan ón traidisiún béil. Tá sé i gcló ag Watson (1979: 182-8).

Lomnochtáin an tSléibhe Rife’, ‘Laoi an Toirc’, ‘Aoiseanna na nAithreacha ó Ádhamh go Noe’, ‘Agallamh an Choirp agus an Anma lena Chéile’, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, ‘Iomarbhágh Oisín agus Phádraig’, ‘Tairngreacht Amhlaoibh Mhic Carrthaigh’, ‘Laoi Chnoic an Áir’, ‘Fuatha Sheáin Éadroim’,<sup>3536</sup> ginealaigh, orthaí agus dánta cráifeacha, búrdúin agus dánfhocail. \*Conré [Conray],<sup>3537</sup> Ros Inbhir, Liatroim 1841-2.

Is dóigh go raibh cónaí ar Bhrian Ó Ruairc i nDroim an Airgid, i bparóiste Ros Inbhir, Co. Liatroma, i ndiaidh dó COC T<sup>1</sup>37 (37) a scríobh, nó go raibh sí i seilbh duine eile darbh ainm Brian Ó Ruairc ón áit sin (de Brún 1967: 100). Tá breactha, anseo is ansiúd sa lámhscríbhinn, ainmneacha sealbhóirí eile, cuid acu ar aon sloinne leis an scríobhaí: Hugh O Rourke ó ‘Glenboy’; agus Ellen Rourke. Sna breiseanna a chuir Pádraig de Brún (1969-70: 51) lena chatalóg féin, nótálann sé gur cóipeáladh an chuid is mó den lámhscríbhinn seo ó LN G436, lámhscríbhinn a scríobh Séamus Ó Ficheallaigh (*q.v.*) ón bparóiste céanna gar d’fhiche bliain roimhe sin. Tá cuid mhaith den ábhar sin in BCM 11, lámhscríbhinn a scríobh Mícheál Mhac an Bhaird agus Pádraig Mhac an Bhaird (*qq.v.*) i nDumha Ard, Ros Inbhir, idir na blianta 1823 agus 1828.

## 2.216. Séamus Ó Scealláin, *fl.*1734

[James Ô Scullin]

**MN B7.** Blogh di. Rann. 1734.

Cheap Ó Maitiú (2013: 50) go bhféadfadh sé gur grafadh MN B7 i gCo. Dhoire; agus, más fíor sin, is féidir gur ceann de na lámhscríbhinní Gaeilge í MN B7 díobh

<sup>3536</sup> Tabhair faoi deara gurb é seo an teideal a fhaightear i lámhscríbhinní Chúige Mumhan; bíonn ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’ mar theideal ar an bpíosa seo sa Tuisceart.

<sup>3537</sup> Is é seo an leagan a mholann an Brainse Logainmneacha, agus tá cúpla áit i gCúige Chonnacht darbh ainm sin, ach ní leagan deimhnithe é go fóill. Litríonn Brian Ó Ruairc an log mar ‘Conrea’.

siúd a bhailigh an tAth. Quinn i gCo. Dhoire agus i gCo. Thír Eoghain sa 19ú hAois.<sup>3538</sup> Chuir an tAth. Séamus Ó Scealláin rann le MN B7 sa bhliain 1734; ba é Philip Ó Ciarbhalláin (*q.v.*) a scríobh an chuid is mó di sa bhliain 1675. Mheabhródh sloinne an scríobhaí, Philip Ó Ciarbhalláin, agus cúpla sealbhóir déanach eile—Toirdhealbhadh Óg Ó Diamáin, Godfridus O’Keane agus, ar ndóigh, an tAth. Séamus Ó Scealláin—gur féidir gur grafadh an lámhscríbhinn seo i gCo. Dhoire nó sa chomharsanacht sin, nó gur chaith sí seal sa taobh sin tíre. Ní thugtar áit scríofa inti, ná níl aon sonraí agam ar an Ath. Séamus Ó Scealláin, ach go raibh sé beo sa bhliain 1734. Ní dóigh go raibh mórán cleachtaidh déanta aige ar scríobh na Gaeilge faoin am sin, óir ní raibh ach tuiscint mheasartha aige ar ortagrafaíocht na teanga.

## 2.217. Brian Ó Searcaigh, *fl.* 1838-48

[Bryan Sharkey]

LN G702(7). Blogh di. Dánta le hArt Mac Cumhaigh agus Peadar Ó Doirnín, blogh de ‘Teagmhála Duibh mhic Deaghla agus a Chloinne’.<sup>3539</sup> Ráth Bódaigh, Baile an Tallúnaigh, An Lú 1844-5. Do *Roibeard Mac Ádhaimh*.

Tagann an scoláire aduain seo ar an bhfód den chéad uair ar an 16 Bealtaine 1838,<sup>3540</sup> an uair a cheannaigh sé MN B1,<sup>3541</sup> ó Mhatha Mhac Cinnéadaigh (*q.v.*) ag a raibh sí chomh mall leis an mbliain 1836, nó ó dhuine muinteartha leis, is dóigh. Scológ ó Ráth Bódaigh, baile fearainn i bparóiste Bhaile an Tallúnaigh, Co. Lú, a bhí ann, agus más fíor nach doiligh teacht ar thagairtí do Bhrian Ó Searcaigh éigin ó

<sup>3538</sup> Féach Ó Doibhlin (2000: 405, 428 *n.*20).

<sup>3539</sup> Tá an chaibidil seo in LN G702(7), mír 1, áit a dtugtar ‘Ar Moal Odhar Rat Cru’ uirthi, rud atá i gcló in Ó Mórdha (1958c: 174-5). Féach nóta 1459 i dtaobh an scéil ‘Teagmhála Duibh mhic Deaghla agus a Chloinne’ ar caibidil de an giota seo, ‘Ar Mhaol Odhar Ráth Crú’. Bhí tuairim ag Ó Mórdha (1958c: 158) gur ag tarraingt ar a chuimhne féin a bhí Brian Ó Searcaigh nuair a scríobh sé na bloghanna seo, ach ní gá gur fíor sin amach is amach. Tá cuid mhaith séimhithe in easnamh i lámhscríbhinn Bhriain, ionann is go raibh sé ag tarraingt ar eiseamláir a bhí doléite.

<sup>3540</sup> MN B1 (*a*), lch 62.

<sup>3541</sup> Shínigh Brian an lámhscríbhinn cúpla uair, ach tá an chuid is mó de na sínithe seo gan dáta. Féach an *M.N. Cat.*, iv, 110, agus an plé a rinneadh ar Pheadar Ó Doirnín i gCaib. 2.149 thuas.

Ráth Bódaigh sna taifid riaracháin, is mó lena n-iomarca ná lena n-uireasa, go deimhin: tranglam mór tagairtí atá sna taifid talún agus sna cláir Chaitliceacha, tharla go raibh an céadainm agus an sloinne sin thar a bheith coitianta i Ráth Bódaigh; de réir an tseanchais a bailíodh ar son Shéamuis Ph. Uí Mhórdha (1958c: 159), bhí suas le cúigear darbh ainm sin ag cur fúthu sa bhaile fearainn sin féin sa chéad leath den 19ú hAois.<sup>3542</sup> Tugtar nóta gairid air in Beckett (1987: 144) fosta.

Bhí aithne ag an mBrian Ó Searcaigh seo againn ar Aodh Mhac Domhnaill [2], agus léiríonn dán a cheap Aodh é féin ar Bhrian go raibh ‘ainnir bhéasach’ mar bhean aige. Thiocthadh de sin go raibh sé, nó sise, ar a laghad, measartha óg faoin am sin. Tugtar anseo rann as an dán, *A Shearcaigh chaoimh, a shearc mo chroí*, a bhfuil cóip de curtha in eagar in Beckett (1987: 74-5, 144-5),

Sa gCondae Lú a sheastar cliú  
Le sceallán cumhra scéamhach,  
Is scinn anuas le meas is bua  
Go ceart ón uaisle Ghaelach,  
An staraí suairc, croí gan chruas—  
Go mba fada buan a bheidh sé  
I ngean gan fuath ag an tslua,  
Ag míniú duar Gaeilge.<sup>3543</sup>

Na bloghanna Gaeilge óna láimh atá againn, is istigh le litreacha Roibeaird Mhic Ádhaimh atá siad; scríobhadh an sliocht as ‘Teagmhála Duibh mhic Deaghla agus a Chloinne’ ar an 14 Samhain 1844, agus chuir Brian an litir seo a leanas chuige ar an 19 Bealtaine 1845,

Honoured Sir,  
I enclose you a copy of a song composed by Art Mac Cadhaidh, one of the poets of Louth (*sic*),<sup>3544</sup> and taken down by me in the Irish Language. I have

---

<sup>3542</sup> Féach Aguisín 17, áit a bhfuil iarracht déanta agam meabhair éigin a bhaint as na tagairtí scríofa agus béaloidis.

<sup>3543</sup> Beckett (1987: 74-5).

a great many of them, and as I have time now, I will write out some of them for your amusement. I was very busy heretofore with agriculture and I had no time to write until now and I will send you by degrees all I have.

I wish, Mr Mc Adam, you would find some mode of conveyance of you manuscript up here and I would willingly take the same method of sending mine to Belfast to you. If I was in a town or city as you are I would find some means of conveyance. I thought Hugh McDonnell would come up here in April last but I see he did not, so I don't know how to manage with safety both to you and me. I need not tell you to be careful for fear the[y] would be misled, but however you send yours.

I will send by the same mode of conveyance. Hoping to hear from you soon, ...<sup>3545</sup>

Sheol Brian dán de chuid Pheadair Uí Dhoirnín chuige ar an 7 Iúil 1845,<sup>3546</sup> ach ní fios ar bhabhtáil siad lámhscríbhinní riamh. Is eol dúinn go raibh Brian ina bheatha tuairim na bliana 1848, nuair a scríobh Aodh Mhac Domhnaill [2] litir chomhbhróin chuige toisc go raibh a iníon tar éis imeacht thar sáile.<sup>3547</sup> Téann sé as amharc i ndiaidh an 5 Samhain 1848, an lá ar thug sé teistiméireacht do ghiolla a bhí aige, Pádraig Ó Tuathail, rud ar fiú é a chur i gcló,

Dibhnam go rabh an tiompuidh Padruig O Tual an mo sherbhies *mur* ghille le blighain, 7 anios go bh[f]uil se da mo fhagail do reir a thole *féin*, 7 air feth na hiomsaire sin *gur* iompair e *féin* go macanta miosarach umhal eisgidh stuama stiedartha cuarmach ioriolach air mo mhuinn 7 mo arnios, 7 is maith an t-ioreadh 7 an tasgair é, 7 bhi sonas 7 ádh ormsa 7 air mo ghnoche lena linn. Bille mo laimhe an cuigeadh la de mí na Samhna, blig[h]ain Aois an Tiarna mille *ocht* ccead(h) an carachad 's a *hoch*t.<sup>3548</sup>

---

<sup>3544</sup> Tá *sic* curtha isteach ag Ó Mórdha (1958c: 173) ina chóip anseo, ach féach go raibh an scéal céanna ag an Ath. Pádraig Ó Luain sa litir a chuir sé chuig Seán Ó Dálaigh ar an 11 Aibreán 1856, ní atá i bprionta in Morris (1931: 412-15).

<sup>3545</sup> LN G702 (7), mír 2. Tá cóip ghlan de in Ó Mórdha (1958c: 173).

<sup>3546</sup> LN G702(7), mír 3. B'fhéidir gurbh fhearr a rá gur scríobh sé an dán an lá sin.

<sup>3547</sup> Tá an litir féin cailte anois, ach tá sí in eagar in Beckett (1967: 291-2); maidir leis an dáta, féach nóta 1439 thuas.

<sup>3548</sup> Bhunaigh mé an chóip sin ar an eagrán dioplomáideach a cuireadh i gcló in Beckett (1967: 292); chuir sé leagan ceartaíthe den teistiméireacht ar fáil in Beckett (1967: 293). Féach gur scríobh Aodh Mhac Domhnaill [2] litir den chineál céanna (dar dáta an 3 Bealtaine 1848) do chailín aimsire a bhí aige, Bríd Ní Néill, agus bhíodh an teistiméireacht sin agus teistiméireacht Bhriain Uí Shearcaigh ar aon duilleog amháin istigh le lámhscríbhinní Ollscoil na Banríona, an dá cheann acu i láimh Aodha Mhic Dhomhnaill [2]. Priontáladh teistiméireacht Aodha Mhic Dhomhnaill [2] cheana féin sa chuntas a tugadh air i gCaib. 2.63.

2.218. Pádraig Gruamdha Ó Siadhail,<sup>3549</sup> fl.1657-8 [Patr: Shyell]

**ARÉ 23K42 (447).** Seanráite Iopocráid, tráchtas ar mhún, ‘Liber Primus Prognosticorum Hippocratis’, sleachta ar fhiabhrais éagsúla as an *Lilium Medicinae*, Avicenna, Galen, srl., cuid de *Materia Medica*. **1657:**—Droim Scuabach, Áth Tí an Mheasaigh, Maigh Eo; **1657:**—An Choill Lagach láimh re Cruachan Gaileang; **[gan dáta]:**—Cartún an Bhrughaidh; **1658:**—Ócham<sup>3550</sup> Bhaile Uí Eadhra, Luíne, Sligeach; **1658:**—Cúil Iorra, Cairbre, Sligeach; **1658:**—Cartún an Bhrughaidh, 1657-8. Do *Phádraig Óg Ó Siadhail*.<sup>3551</sup>

I gceann de na colafoin a chuir Pádraig Gruamdha Ó Siadhail le ARÉ 23K42 (447), tugann sé leid mhaith láidir dúinn gurbh as Uíbh Eachach, Co. an Dúin, dó, nó tugann sé ‘ar nduthchuis atharrdha 7 sinnsiordha’<sup>3552</sup> ar an áit. Thuigfí ón nóta sin, agus eile, go raibh sé ar deoraíocht de chineál éigin ón áit sin, mar gheall ar thrioblóidí na 1640í agus a lean iad, b’fhéidir. Cosúil lena lán scríobhaithe leighis eile de chuid na 17ú hAoise agus na n-aoiseanna roimhe sin, ba scoláire taistil é, agus is ar éigean nach dtugann sé log nua gach uair a luann sé a áit scríofa. Cé go bhfuil cúpla nóta sa lámhscríbhinn<sup>3553</sup> faoi na dálaí inar scríobhadh í, níl siad chomh flúirseach ná mionsonraithe agus na cinn a thugtar i scríbhinní leighis eile,<sup>3554</sup> agus

<sup>3549</sup> Tuairimíodh san *M.N. Cat.*, v, 3-4, gur ghráf Pádraig Gruamdha Ó Siadhail MN C4 ar an bpeannaireacht, agus ar an ábhar a bhí inti. Ar an ábhar nach raibh mórán taighde déanta agam ar Phádraig Gruamdha Ó Siadhail ná ar cheann ar bith den dá lámhscríbhinn sin, ghéill mé don tuairim seo in Keegan (2017: 28), ach is dóigh le Ní Úrdail (2018: 75) nach bhfuil ‘aon róchósúlacht’ idir peannaireacht ARÉ 23K42 (447) agus MN C4. Ag féachaint siar dom ar pheannaireacht MN C4, níl aon amhras orm go raibh an ceart aici.

<sup>3550</sup> Tá Ócham Bán, paróiste Achadh Conaire, barúntacht Luíne, sa pharóiste céanna agus Baile Uí Eadhra .i. ‘Ballyara Knox’.

<sup>3551</sup> Dhealródh sé gurbh é Pádraig Óg Ó Siadhail a scríobh an nóta sealbhóra ar an bhforduilleog thosaigh, agus tá nóta i lámh an scríobhaí ar lch 262 a léiríonn gur do Phádraig Óg Ó Siadhail a scríobhadh í sa chéad áit. Deir Pádraig Gruamdha gurbh é a sheise é Pádraig Óg Ó Siadhail.

<sup>3552</sup> ARÉ 23K42 (447), lch 262. Is é Pádraig Óg Ó Siadhail, an té dár grafadh an lámhscríbhinn, an duine eile atá i gceist ag Pádraig Gruamdha Ó Siadhail.

<sup>3553</sup> Cuireadh a bhformhór i gcló cheana san *R.I.A. Cat.*, 1190, agus in de Bhulf (1927: 229-30).

<sup>3554</sup> Lámhscríbhinní mhuintir Chonchubhair ach go háirithe. Féach Nic Dhonnchadha (2006).



níl a dhath ar bith ar eolas againn faoi Phádraig Gruamdha é féin, ná faoin bpáirt a bhí aige le Pádraig Óg Ó Siadhail, ná leis na scoláirí eile dar shloinne sin a chuaigh roimhe—Eoghan Carrach Ó Siadhail, Diarmaid Ó Siadhail, agus eile. Bhí lámh mhaith chleachtaithe aige, agus rinneadh cuid mhaith den scríbhneoireacht i gCo. Mhaigh Eo idir an 18 Lúnasa 1657 agus an 15 Nollaig 1657;<sup>3555</sup> agus mórán eile i gCo. Shligigh idir an 21 Deireadh Fómhair 1658 agus an 20 Samhain 1658.<sup>3556</sup>

**2.219. Séamus Ó Súilleabháin, fl.1828** [Jas Sullivan]<sup>3557</sup>

**ARÉ 24I23 (931).** Blogh di. ‘Laoi na Mná Móire’, blogh de ‘Mac na Míchomhairle’. 1828.

Chóipeáil an scríobhaí seo dhá théacs ón lámhscríbhinn ARÉ 3C4ii (1019) sa bhliain 1828.<sup>3558</sup> Ó tharla gur scríobh Criostóir Aindreamha formhór na lámhscríbhinne seo i nDroichead Átha idir 1808 agus 1810, agus go raibh sí i seilbh Bhriain Uí Thomaltaigh ón mbaile céanna sa bhliain 1840,<sup>3559</sup> dhealródh sé go gcónaíodh Séamus Ó Súilleabháin é féin i gcóngar an bhaile sin. Fuair máistir scoile ó dhúiche Dhún an Rí darbh ainm sin íocaíocht ón *Irish Society* i mí na Bealtaine 1827 (de Brún 2009: 465), ach ní léir ar chor ar bith gurb é an duine céanna é.

---

<sup>3555</sup> Féach ARÉ 23K42 (447), lgh 126, 184, 211, 262.

<sup>3556</sup> ARÉ 23K42 (447), lgh 379, 396, 444.

<sup>3557</sup> Féach ARÉ 24I23 (931), f. 205.

<sup>3558</sup> Tá ARÉ 24I23 (931), ff. 203-15v, i lámh Shéamuis Uí Shúilleabháin, agus is dóigh gur bhain sé an dá théacs atá sa chuid seo as ARÉ 3C4ii (1019), lámhscríbhinn ar scríobh Criostóir Aindreamha (*q.v.*) a formhór. Tá an chéad phíosa sa chuid seo de ARÉ 24I23 (931) salach go leor; cóip de ‘Laoi na Mná Móire’ atá ann, ARÉ 24I23 (931), ff. 203-15. Scríobh Séamus Ó Súilleabháin nóta gearr sa lámhscríbhinn, gur scríobh sé an chóip sin ‘an bhliain do Aois an Tighearna 1828, do reair mur fuairis sgriobha róme’, ARÉ 24I23 (931), f. 215, tar éis na laoi sin, agus téann an téacs go maith leis an gcóip a scríobh Séamus Ó Fearghail do Chriostóir Aindreamha in ARÉ 3C4ii (1019), ff. 75-80av. Ina dhiaidh seo, ar f. 215v, tá blogh iontach salach agus caite de ‘Mac na Míchomhairle’, a réitíonn an méid de atá ann lena bhfuil in ARÉ 3C4ii (1019), ff. 68-9v.

<sup>3559</sup> Féach Aguisín 6.

## 2.220. Pól Ó Tighearnáin

LN G199(1). Cuid di. Laoithe fiannaíochta, búrdúin agus dánfhocail, dánta le Seán Clárach Mac Domhnaill, Séamus Mac Cuarta. Cluain Eois, Muineachán.

Dar leis féin, ba ‘aba i gCluaináis’ é Pól Ó Tighearnáin, ach níl sé soiléir go bhfuil craiceann na fírinne air seo ach oiread. Cé go bhfuil téacsanna Ultacha go mór chun tosaigh sa ghiota lámhscríbhinne seo, tá dán amháin ann le Seán Clárach Mac Domhnaill, ach is féidir gur cóipeáladh seo as leabhar clóite éigin. Ós rud é go bhfuil cosúlacht an-láidir idir peannaireacht Phóil Uí Thighearnáin agus Shéamuis Mhic Giolla Ruaidh (*q.v.*), scríobhaí a raibh cónaí air i mBaile an Scotaigh, nach bhfuil ach achar gearr ó Chluain Eois, bheadh tuairim agam go raibh Pól Ó Tighearnáin ina bheatha sa chéad leath den 19ú hAois.

## 2.221. Tomás Ó Tighearnáin, fl.1774-5

ARÉ 23D24 (510). Cuid di. ‘Tuireamh na hÉireann’, [‘Faoistin Starling’], ‘Tuireamh Whaley’ [= ‘Cáineadh Whaley’], ‘Mac na Míchomhairle’, comhairle. ‘...air agcainnaigh’<sup>3560</sup> 1774-5.

Thuairimigh Watson (1979: 189) gurbh ó Cho. Fhear Manach do Thomás Ó Tighearnáin, agus sin ar an tuiscint, is dóigh, gur ghraf duine dar shloinne Mag Uidhir, Roibeard Mhag Uidhir (*q.v.*), codanna eile den leabhar.<sup>3561</sup> Is doiligh an log a thugann Tomás a cheangal go sábháilte le háit ar bith thar a chéile sa Tuaisceart. Is maith lorg a láimhe, atá soiléir agus giota beag cearnach, agus is féidir, ar luaineacht

<sup>3560</sup> ARÉ 23D24 (510), lch 124. Níl a fhios agam cá bhfuil (nó cá raibh) an áit seo suite.

<sup>3561</sup> Samhlaíonn Ó Buachalla (1975: 23) Roibeard Mhag Uidhir le scríobhaithe Bhréifne [? ar bhonn a shloinne].

na peannaireachta, nach raibh an-chur amach aige ar dhéanamh na lámhscríbhinní faoin am sin.

**2.222. Brian Ó Tomaltaigh,**<sup>3562</sup> c.1799-1871 [Bernard M. Tumalti]

**ARÉ 3C4i (a-b) (1018).** Formhór di. Aistriúchán Gaeilge ar ghiota de shaothar Macpherson, amhráin, dánta le [Séamus Mac Cuarta], ——— Bray [? = Séamus Ó Bréaghdha], [Art Mac Cumhaigh], autograif. Droichead Átha 1841 [? c.1839 – c.1863].

**MN LM1.**† Blogh di.<sup>3563</sup> Seantairngrecht.

Tharlódh sé gurbh é Brian Ó Tomaltaigh an duine ab iomráití, seachas Nioclás Ó Cearnaigh, a bhí páirteach i gcumann gaelach Dhroichead Átha nár mhair ach seal; agus cuimhnítear air fosta mar phátrún pointeáilte ach flaithiúil de chuid Pheadair Uí Ghealacháin, an té a thug scilling sa lá dó a fhad is a bhí sé ag cóipeáil dó. Is mar ealaíontóir is mó a chuimhnítear air ina bhaile féin, Droichead Átha, anois, mar aon lena dheartháir, Thomas Tumalti. Foilsíodh cuntais air cheana in Strickland (1913: 465), in Ó Mórdha (1958c: 157-8) go mórmhór, in Ní Uallacháin (2014), agus in *Beath*. 1782-1881, 138 col. a – 139 col. b.

In ainneoin go dtugann D’Alton (1844: 13) ‘a native artist’ ar Bhrian Ó Tomaltaigh sa leabhar staire a scríobh sé ar Dhroichead Átha, ní féidir, ar an drochuair, teacht ar theastas baiste dó i gcláir Chaitliceacha an bhaile, tharla gur cailleadh cuid mhaith de na leabhair a chlúdaíonn an tréimhse inar rugadh é, is é sin, timpeall na bliana

---

<sup>3562</sup> Fágaim as an áireamh anseo dhá litir in LN G702(6) a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh idir 1843 agus 1844. Chuir Ó Mórdha (1958c: 168-9, 170-3) i gcló iad.

<sup>3563</sup> Do dháileadh na lámh sa lámhscríbhinn seo, arbh é Nioclás Ó Cearnaigh a príomhscríobhaí, féach nóta 2238 thuas.

1799.<sup>3564</sup> Níl pioc eolais ar fáil faoina shinsir ná faoi bhlianta a óige. Dar le Strickland (1913: 465), bhí Brian i mbun cúrsa staidéir sna healaíonta faoin mbliain 1825, nuair a thosaigh sé a fhreastal ar an Dublin Society. Ba é an chéad phictiúr dá chuid ar cuireadh spéis ann an phortráid a tharraing sé de Maurice O’Connell, a críochnaíodh in 1831, agus a cuireadh ar taispeáint an bhliain sin: ‘A striking likeness but badly executed’ an tuairim a bhí ag léirmheastóir an *Freeman’s Journal* air.<sup>3565</sup> Saothar eile a cruthaíodh sa tréimhse chéanna is ea an pictiúr den taobh istigh de Theampall Naomh Peadar, Droichead Átha, ní a cuireadh ar taispeáint sa Liverpool Academy sa bhliain 1837.<sup>3566</sup> Chuir sé saothair eile dá chuid chuig an Hibernian Academy idir 1827 agus 1831, agus arís idir na blianta 1844 agus 1847 (Strickland 1913: 465). Thiar sa bhaile, bhí cáil ar leith bainte amach aige, agus foilsíodh alt ar an *Drogheda Journal* faoi chnuasach mór pictiúirí a thairg sé don Drogheda Mechanics’ Institution, tairiscint a cuireadh faoi bhráid an phobail mhóir ar an 1 Deireadh Fómhair 1838 sa *Freeman’s Journal*:

#### DROGHEDA MECHANICS’ INSTITUTION

At the last meeting of the Drogheda Mechanics’ Institution Mr. B. Tumalti offered to deliver a series of lectures on the fine arts, and also to transfer the various works of art in his *studio* to the institution, to be considered by the members as a free and public exhibition. The collection consists of various Scriptural subjects, of the most sublime and beautiful description, many of

<sup>3564</sup> Tá bearna i dtaifid na mbaistí a ceiliúradh i bParóiste Pheadair, Droichead Átha, idir na blianta 1804 agus 1815. Osclaíodh an clár is sine dá bhfuil againn ó Pharóiste Mhuire, Droichead Átha, ar an 26 Aibreán 1835.

Féach na hiontrálacha seo i gClár na mBaistí, *Paróiste Pheadair, Droichead Átha*, 1803-4, 1815-42: ‘[ Samhain 1804]. B. Patrick [Tumelty], P.P. Brien & Jane Tumelty. S.S. John Coleman & Mary Coleman’.

‘May 7 [1821]. Mary Tumulty, D. Bryan [Tumulty] & Jane Doyle. S.S. Thomas Ivers & Peggy Kelly. North Road. [£ 0.]1.3’.

[Is féidir gurb iad Bryan Tumulty (Tumelty) agus Jane Doyle athair agus máthair an Bernard Tumalti (Tumalty) a fuair bás i dTeach na mBocht i nDroichead Átha sa bhliain 1894, in aois a 73 bliana, óir bhíodh cónaí ar an duine seo i Meille, nach bhfuil rófhada ón mBóthar Thuaidh].

<sup>3565</sup> Luaite in Strickland (1913: 465).

<sup>3566</sup> Uimh. 267 sa chatalóg (Anon. 1837: 15). Féach D’Alton (1844: 13) fosta.

them after the old masters, from cabinet sizes up to 150 and 200 square feet of canvass [*sic*]; also a few historical and allegorical pieces; portraits of public and private characters; landscape and marine views; designs of landscape gardening, &c.

Mr. Tumalti's very generous proposal was gratefully accepted, and we may hope that this collection will be the germ of a picture gallery and Museum.—*Drogheda Jour.*

Bhí sé socraithe i Lána na Saorscoile faoin am a ndearnadh suirbhé ar thithe i nDroichead Átha ar mhó a luach ná £3 sa bhliain 1838, agus tá sé ar taifead sna *Leabhair Thithe* sin go raibh sé ag díol £8.8.0. as a ghabháltas go bliantúil—do Bhardas Dhroichead Átha, is dócha go mór.<sup>3567</sup> Tá corrthagairt anseo is ansiúd dó agus dá dheartháir, Thomas Tumalti, ealaíontóir eile, le linn na 1840í sna páipéir áitiúla, agus is dócha gur de bharr na haithne a chuir sé ar an sagart paróiste, an tAth. Thomas V. Burke, O.P. (c.1801-1844), a bhí báúil leis an teanga,<sup>3568</sup> a chuaigh Brian isteach sa chumann ólséanta a bhunaigh an tAth. Burke sa bhaile thart faoin am sin. Tugadh cuireadh dó freastal ar chruinniú de chuid an chumainn ar an 25 Deireadh Fómhair 1840, le roinnt siamsaíochta a thabhairt do na baill. Tá sé le tuiscint as an tuairisc a foilsíodh ar an *Drogheda Argus* an tseachtain ina dhiaidh sin go raibh sé tar éis roinnt lámhscríbhinní Gaeilge a bhailiú faoin am sin,

[The Rev. Mr. Burke] had but one other subject to notice, and he did it with pleasure—Mr Tumaltie, who it was well known, was a first rate artist, was, also, an excellent Irish scholar, and he had in his possession several ancient Irish songs, and amongst them some of the celebrated Carolan. It was his

<sup>3567</sup> *Ordnance Survey Office House Book*, Paróiste Pheadair, Droichead Átha (1838), lch 248: 'Houses in Townland of School House Lane'—

No. 6,

Name and Description. M <sup>f</sup> Bernard [Townley] \Tumalti/	House	py [?'Piggery']
Quality Letter.	1b –	1b
Length.	17.6	6
Breadth.	26	5
Height.	16	6
Number of Measures.	45.5	3.0
Rate per Measure.	1.2¾	0.3¾
Amount. £ s. d.	2.15.9.	0.0.11. / 2.16.8.

<sup>3568</sup> Tá roinnt nótaí ar an Ath. Thomas V. Burke (c.1801-1844), a bhí ina ghníomhaí polaitiúil agus sóisialta, agus ina náisiúnaí mór, in Ó Mórdha (1958c: 160-2).

intention to have them published and taught to the teetotallers, and by that means they would banish from amongst them the trash of songs which they were in the habit of singing. They would commence on to-morrow fortnight, and a harper would be engage to revive the ancient music of their country, and sing the songs that would remind them of the days when Ireland was the Ireland of Saints (loud cheers).<sup>3569</sup>

An tseachtain ina dhiaidh sin, tháinig Brian ar ais chucu, mar a tugadh le fios in uimhir eile den *Drogheda Argus*,

The Rev. PRESIDENT—the music of the harp having subsided for a time—requested Mr. Tumalti, the historical and portrait painter, who was present, and who sat next to him, to favour them with a melody in the Irish tongue. Mr. TUMALTI rose, and after expressing his delight at the enthusiasm which seemed to prevail for the revival of the national language and minstrelsy, said—He would be most happy to comply with the Rev. Chairman’s wishes. Mr. Tumalti then sang, in accompaniment with the harp, and with much elegance and taste, one of the most beautiful ancient Ballads, in the venerable and expressive language of our country, which was received with the most unbounded applause.<sup>3570</sup>

Agus má bhí fonn acu an teanga a athbheochan, agus má bhí an tAth. Burke ina náisiúnaí, níor scarúnaithe iad, óir ba é an chéad fhonn a seinneadh ag an gcrúinniú Amhrán Náisiúnta na Breataine. Thairg Brian cuid de na lámhscríbhinní a bhí aige do Shéamus Ó hArdagáin sa bhliain chéanna, lámhscríbhinn Chríostóra Aindreamha ina measc.<sup>3571</sup> Ní fios an raibh sé ag iarraidh briseadh a thógáil faoi choinne an

---

<sup>3569</sup> Cruinniú de chuid an *New Drogheda Total Abstinence Society* i Halla an Línéadaigh, Droichead Átha, a cuireadh ar siúl Dé Domhnaigh, an 25 Deireadh Fómhair 1840. An tAth. Burke sa chathaoir. Cuireadh sliocht as an tuairisc seo i gcló ar an *Drogheda Argus*, an 31 Deireadh Fómhair 1840. Bhí an tAth. Burke ina uachtarán ar an gcumann, agus an tUas. Michael Levins—díograiseoir Gaeilge eile, de réir chuntas Uí Mhórdha (1958c: 156)—i láthair.

<sup>3570</sup> *Drogheda Argus*, an 7 Samhain 1840.

<sup>3571</sup> Tá dhá leagan den chatalóg seo againn: (1) an ceann a scríobh Brian Ó Tomaltaigh é féin in ARÉ 3C4i (a) (1018), ff. 38-9v, gan dáta, tuairim is 117 mír; agus (2) cóip neamhiomlán di i lámh Shéamuis Uí Ardagáin in ARÉ 23F22 (677), lch x, agus an nóta mínithe seo ag a barr: ‘Copy of a Catalogue of Irish Poems & Songs sent me by M<sup>r</sup> Bernard Tumalti, painter of Drogheda—offering them for Sale—in 1840’. Leanann míreanna 1-22 an méid sin, agus tá scríofa aige ag bun an leathanaigh: ‘& numerous others w<sup>ch</sup> I had not time to note’. Is soiléir go bhfuil an chuid is mó de na lámhscríbhinní dá ndéanann sé tagairt cailte anois, cé nach éasca a dhéanamh amach cá mhéad lámhscríbhinn a bhí i gceist aige go díreach, óir ní thugann a chatalóg ach na céadlínte nó na teidil féin de na téacsanna, gan dealú a dhéanamh idir na himleabhair féin ar bhonn soiléir. Is dóigh go raibh breis agus 10 lámhscríbhinn aige, agus thig linn ARÉ 3C4ii (1019) a áireamh ina measc. Féach go

leabhair Ghaeilge a bhí beartaithe aige, agus dá ndearna sé tagairt i litir a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 30 Deireadh Fómhair 1843,

I beg further to observe that I am preparing for publication a large and varied collection of the most beautiful Irish poems and songs with the unpublished melodies and I am preparing suitable translations of them in Ossianic metre. I would at the same time wish to know your learned opinion of the following project of the publication of Irish Minstrelsy and Bardic remains in general. 1st In order to render such a work universally attractive I propose giving in musical type a perfect set of each ancient Irish melody with arrangements for the harp etc. 2ndly Underneath each melody I will also give its original Irish song in native characters etc., etc. As like the union of soul and body they should live inseparable. 3rdly By way of contrast I will on the opposite pages give rich and glowing translations of the same in Ossianic metre. By thus contrasting the harmonic prose with the poetry the relative powers of each will be considerably enhanced. I propose also giving copious annotations, a critical analysis of derivations, filiations, etc., etc. ...<sup>3572</sup>

Ceanglaíonn Ní Uallacháin (2014: 166-7) an liosta 300 fonn úd atá in ARÉ 3C4i (a) (1018) leis an tionscnamh dá ndéanann Brian tagairt sa litir sin. Is é rud a thugtar sa liosta, céadlínte nó teidil amhrán, corradh agus céad ceann acu i nGaeilge, agus iad i lámh Bhriain agus san *English character*.<sup>3573</sup> Tá, de bhreis air seo, cóipeanna de roinnt amhráin áitiúla istigh le páipéir Bhriain Uí Thomaltaigh, ach ní fios dúinn gur éirigh leis an saothar a bhí beartaithe aige a chur le chéile. Má d'éirigh, is dóigh gur cailleadh é, agus níl againn dá chnuasach leabhar ach catalóg dá chuid lámhscríbhinní, lámhscríbhinn Chríostóra Aindreamha, agus beagán páipéar ina

---

luaitear cuid mhaith téacsanna sa chatalóg atá in ARÉ 24P31(2) (1075), ach ní dóigh liom go raibh an lámhscríbhinn sin i gcnuasach Bhriain.

<sup>3572</sup> Níl ach blogh den litir i bprionta anseo. Tá an litir bhunaidh in LN G702(6), mír 1, agus cóip de in Ó Mórdha (1958c: 168-9); tá dréacht de chuid di istigh le páipéir Bhriain Uí Thomaltaigh, ARÉ 3C4i (b) (1018), gan uimhir.

<sup>3573</sup> ARÉ 3C4i (a) (1018), ff. 47v-9v. Chuir Ní Uallacháin (2014: 177-91) na foinn a bhfuil teidil Ghaeilge orthu i gcló. Tugann Ní Uallacháin (2014: 169) faoi deara go bhfuil cuid mhaith amhrán ar an liosta a bhaineann le hOiriaila amháin (chomh fada agus is féidir linn a rá), cuid eile a bhíodh á gcanadh in Oiriaila agus in áiteacha eile, agus corcheann nach samhlófaí le hOiriaila ar chor ar bith. De bhreis ar an méid sin, tá saothair de chuid Shéamuis Mhic Cuarta, Pheadair Uí Dhoirín, Airt Mhic Cumhaigh, Chathail Bhuidhe Mhic Giolla Ghunna, Fhear Dhorcha Uí Fhaircheallaigh, Bhriain Rábaigh Uí Chléirigh, Uilliam Mhic Giolla Chiaráin, Phóil Uí Bhriain, Phádraig Uí Bhriain, Mhailí Nic a Liondain, Sheáin Uí Neachtain, agus Thoirdhealbhaigh Uí Chearbhalláin (Ní Uallacháin 2014: 173-4) ar an liosta, mar aon le lear mór amhrán nach bhfuil taifead orthu áit ar bith eile.

lámh féin. Is cnuasach ilchineálach iad páipéir Bhriain Uí Thomaltaigh (i gcomparáid le lámhscríbhinní na haimsire sin, fiú) a chuimsíonn giotaí litríochta a mbuailtear leo go minic sna lámhscríbhinní, gearrthóga nuachtáin,<sup>3574</sup> amhráin, aistriúcháin a d’ullmhaigh Brian Ó Tomaltaigh é féin (sleachta as leabhar de chuid Macpherson san áireamh),<sup>3575</sup> agus dréacht litreach a léiríonn gur mhian leis post a fháil mar ollamh le Gaeilge i gceann éigin de Choláistí na Banríona am éigin sna 1840í. Tá an litir féin doiléir go leor toisc gur scríobhadh í le peann luaidhe—cosúil le cuid mhór de pháipéir Bhriain Uí Thomaltaigh—ach meastar gur fiú cuid de na giotaí atá inléite go fóill a atáirgeadh anseo, mar léiriú ar dhearcadh Bhriain i leith na teanga:

Perceiving in the public papers a few days since that you were prepared on Saturday, 23<sup>rd</sup> Inst., to appoint Celtic professors &c. for the Queen’s Colleges, I therefore, at the instance of some respectable friends & patrons, availed myself of the opportunity in doing myself the honour of waiting on you at the Chief Secretary’s Office, Dublin Castle, with respect to a professorship in one of these Colleges and, in order to prove my efficiency for such an appointment, I came duly prepared with various specimens in the English language of my translations in poetry & prose metres from the most exquisite poetical compositions in the antient and venerable Celtic language, as also poetical translations into to [*sic*] Ibero-Celtic from some of the choicest poetical compositions in the English language.

Leanann sé air, ag maíomh go bhfuair sé

...the most respectable testimonials as to the superior style and excellence of these various translations from several of the most distinguished Celtic scholars & literati in the British Empire.

With respect to the professorships of the venerable Celtic language in the Queen’s Colleges, I humbly hold that it is not alone sufficient to be a mere rigid Irish scholar ... adhering timorously to the grammatical structure of the language to support the totterings of the [...] of the feeble process(?) and

<sup>3574</sup> Bhí ceann amháin de na gearrthóga seo istigh le ARÉ 3B39 (250) tráth, féach an *R.I.A. Cat.*, 629.

<sup>3575</sup> ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 4. ‘Thevshe Crugal’, *Ve scrue hiney groim yarg...* Is éard atá san aistriúchán, trí bhlogh as an dara leabhar de ‘Fingal’, saothar Macpherson, agus téann na bloghanna seo lena bhfuil i dtráchtas Blair orthu. Féach an t-athchló a cuireadh ar a aiste in Macpherson (1806: 85-6). Is follas ó aistriúcháin eile de chuid Bhriain Uí Thomaltaigh gur mhór leis stíl mhórfhoclach na ndánta seo.



which is as much as the generality of the Anglo-Celtic professors which I have ever met with can pretend to. That it is, on the contrary, absolutely necessary that these professors should at once be fully capable of rearing their pupils into the creative regions of this visual language with the ... impassioned ardour of the poets ... for it is in the Minstrelsy and Bardic Remains that ... this chaste & venerable language may be said to exist ... With these few prefatory remarks, I challenge any of the Celtic professors of her Majesty's Colleges in the British Empire to produce a practical version of the National Anthem 'God Save the Queen' ...<sup>3576</sup>

Gabhann léirín garbh den inscríbhinn ar Chros Mhuireadhaigh (cé nach luaitear san *R.I.A. Cat.* é) leis na páipéir seo agus an t-aistriúchán: 'We order the accursed of Ireland these stones'.<sup>3577</sup> Níorbh aon scoláire cleachtaithe é Brian, agus b'éigean dó téacsanna a fuair sé go háitiúil a bhreacadh san *English character*, cé gur thriail sé an ortagrafaíocht agus script thraidisiúnta a scríobh fosta. Tá a luach féin ag na téacsanna a d'fhág sé againn, agus is iad na haistriúcháin Ghaeilge a chum sé agus na hamhráin a thóg sé síos ón traidisiún béil na píosaí is spéisiúla sa chnuasach uilig. Ina measc, tá leagan Gaeilge de 'The Dying Christian to His Soul' le Alexander Pope, ar a dtugann Brian 'The Vital Spark' ina chuid páipéar. Deirtear sa chéad chóip gur aistrigh Brian an dán go Gaeilge i mí 'Jan<sup>y</sup> 1841', cé go dtugann sé le fios in dhá chóip eile gur thiontaigh sé é 'do Mhaidean Dómhnach Cásg' 1841.<sup>3578</sup>

<sup>3576</sup> ARÉ 3C4i (b) (1018). Bileog scaoilte. Is deacair ciall a bhaint as an gcuid eile di. Cheartaigh mé na botúin litirthe sa litir. Bheadh sé iomarcach na ceartúcháin a thabhairt anseo ina n-iomláine.

<sup>3577</sup> Tá aistriúchán nach bhfuil rófhada ón méid seo, 'I direct these crosses to Ireland', istigh le litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis, rud a fuair Patrick O'Keefe agus Thomas O'Conor ó Patrick Sarsfield, Mainistir Bhuíthe, Co. Lú, sa bhliain 1835. Féach Herity (2012: 219): 'Sarsfield says, ordaighim {by him pron: ordom} na crosasa d' (de) Eirinn, Anglice – I direct these crosses to Ireland {his translation}'.

<sup>3578</sup> Tá an chéad chóip, ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 13, i láimh Bhriain, agus san *English character*. 'Translation of the Vital Spark into Irish b<y> Bernard Tumalti, Jan<sup>y</sup> 1841, Droghed<a>' is teideal di. An chéad chóip eile atá againn, ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 1, ba é Brian Ó Tomaltaigh a scríobh an ceann sin fosta, ach déanann sé iarracht an uair seo córas ortagrafaíochta na Gaeilge a leanúint. Tá an litriú i bhfad níos rialta, agus tugtar an nóta seo ag bun an leathanaigh: 'Bernard Tumalti, dearbhthara na [h]Ealadhna Leabhardha agus Tuatamhla do d'aistriug[h]adh an dán so do Mhaidean Dona Cásg, MDCCCXLI'. Ní ceist dúinn gurbh é Peadar Ó Gealacáin a ghraf an tríú cóip den dán atá againn, ARÉ 3C4i (a) (1018), f. [49b], agus gur ag brath ar an dara leagan a bhí sé. Chóipeáil sé an colafon atá sa dara ceann, agus an litriú ceartaithe aige: 'Brian Ua Tumaltaídh, dearbhthara na [h]Ealadhna Leabhardha, agus Taiteamhlach, do dh'eastriúghadh an dáin so do Mhaidin Dómhnach Cásg, MDDDXLI [sic]'. Is cosúil nár thuig Peadar Ó Gealacáin an rud a bhí Brian a rá sa cholafon seo, ach chuir sé comaoin nár bheag ar litriú an dáin é féin.

Choinnigh sé gearrthóg as an *Drogheda Conservative* inar tráchtadh ar an moladh a fuair sé nuair a chuir sé Gaeilge ar Amhrán Náisiúnta na Breataine timpeall na bliana 1844:<sup>3579</sup>

“St. James Palace, August 29, 1844.

“Sir,—I am directed by Sir Henry Wheatly to acquaint you that he has not failed to submit your translation of the National Anthem into the ancient Celtic to the Queen, and that her Majesty is most sensible of your loyalty.

“I have the honour to be, sir,

“Your obedient servant,

“WILBRAHAM TAYLOR.

“Bernard Tumalti, Esq., Drogheda.”

Níor mhair an cumann gaelach i bhfad i ndiaidh an Ath. Burke, a cailleadh ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 1844. Sa nóta a chuir Brian chuig Roibeard Mac Ádhaimh faoina bhás, scríobh sé, ‘As poor Revd. Fr. Burke is gone, I must bestir myself to keep the Language alive in this district’.<sup>3580</sup> Chum sé amhrán molta eile ar Bhanríon Victoria go gairid ina dhiaidh sin,<sup>3581</sup> ‘Fáilte na Bainríoghna Victória go hÉirinn’, agus is é seo tuairim Niocláis Uí Chearnaigh, a rinne cóip den phíosá an 22 Lúnasa 1846, air:

The following welcome was composed and duly forwarded to her Majesty by the learned Bernard Tumalti, Esqr., of Drogheda, in 1845 when it was reported and almost universally believed that the Queen would pay a visit to Ireland. It is not a piece consisting of a string of fulsome and flattering words calculated to win favor for himself while it would deceive the royal ear, but a faithful description of the unparalleled suffering of the Irish millions, which cannot but reflect high encomiums on the bard for the independence of spirit he has evinced on this occasion.

Mr Tumalti may be said to be the royal Bard; for he had previously translated the National Anthem, “God Save the Queen,” and he got up in handsome and

---

<sup>3579</sup> Tugtar ar an aistriúchán é féin: Dan Naisionta na Breataine Moire, don Wainrioghain Victoria, Air na aisdriughan(?) uau an t’sacsvearla wanusa go Goieyilg-cealta le Brian ua Tomaltaigh, &c., &c., Draoigidah. Féach an *Dublin Weekly Nation*, an 7 Meán Fómhair 1844, agus an 11 Meán Fómhair 1844, ina thaobh.

<sup>3580</sup> LN G702(6), mír 2, an 5 Samhain 1844, agus iarscríbhinn leis an litir dar dáta an 6 Samhain 1844. Tá sí i gcló cheana in Ó Mórdha (1958c: 170-3).

<sup>3581</sup> Tá ‘Fáilte na Bainríoghna Victória go hÉirinn’ ar caomhnú i lámhscríbhinn amháin, go bhfios dom, ARÉ 23E12 (769), lgh 258-9. Nioclás Ó Cearnaigh a scríobh, Baile Átha Cliath, an 22 Lúnasa 1846.

tasteful style, and sent it to Whitehall for which he had the most flattering acknowledgement from Royalty. [E]ven in that piece he did not forget the wrongs of his country.<sup>3582</sup>

Is dóigh nárbh olc an rud é an dán a thabhairt ina iomláine, mar shampla de shaothar filíochta Bhriain Uí Thomaltaigh, agus ní beag mar léargas é ar atmaisféar casta polaitiúil a linne féin,

The following song has been this day corrected by the hand of the Celtic Bard himself [= Nioclás Ó Cearnaigh, is dóigh], 22<sup>nd</sup> August 1846, Dublin,

Ceud míle fáilte rómhad, a Bháinríoghain na sgéimhe!  
'gus fáilte na féile roimh do leanabaibh 's do chéile;  
tá teacht a gcionn do chabhlaich *mar* dhealradh na gréine,  
chum muintearras a's páirt a mhíniughadh do Éirind.

Chum muintearras a's páirt a mhíniughadh do Éirind,  
agas ceart agas cóir do ar bpoball 's *dar* ccléiribh,  
'tá le ciantaibh faoi ghleó a's faoi anródh a ngéibhionn—  
uch! a bhainríoghain mhín! 's gan aon nduine le'r n-eugcaoin.

Uch! a bhainríoghain mhín! 's gan aon nduine le'r n-eugcaoin,  
'gas inn creachta, 'gus gointe, 'gus sgabtha chum gach reugain,  
gan eudach, gan oideas, 'nar seachranaighe sglámhaidhthe,  
a's dream an uabhair 'ar ndiaigh sa mbaile go cómha(a)ch.

A's dream an uabhair 'ar ndiaigh sa mbaile go cómhach  
agas ar ccáirde faoi fhód, no spárrtha sna huamhaibh,  
le dubhfheill 's le clampar 'ga gcreapall le bíobhaibh:  
airbhirseoiridhe marbhtacha colloidhe róchraosach'.

Na háirbhirseoiridhe dorcha marbhtacha craosacha,  
tá 'ramhtharadh, a' méadughadh, a' meilliughadh, 's a' gríseadh,  
le gach aon nídh is ulmhaithe, is milse, 's is daoire,  
's na mílte 'fághail bháis tre anródh sna críochaibh.

'S na mílte 'fághail bháis tre anródh sna críochaibh!  
A Dhé uilechómhachtaich! ca bhfuil creidiomh an Bhiobla?  
nuair 'ta 'n chómhairle gan choisreacadh dul 'ttreas *air* do ghrásaibh,  
le aindlighe eugcórach, aicmídheach ainspioraid na péiste.

---

<sup>3582</sup> ARÉ 23E12 (769), lch 258.

Le aindlíghe eugcórach, aicmídheach ainspioraid na péiste,  
moladh dhuit, a Athair! Támoid a chaoidhch' feasta léighiosta;  
támoidne buadhach, treórach, a's díleas do ar ccomhrúinn,  
's béidh an saoghal mór 'nar ccumainn, 's a' teacht fa ar ttuairim.

'S béidh an saoghal mór 'nar gcumainn, 's a' teacht fa ar dtuairim,  
a's béidh ráth air t[h]órthaibh an gach áird a's gach uair linn;  
's a Bhainrioghain mhín mhaiseach, an do chuimirc 'ta ar n-immidhe:  
deán an chóir linn san am cheart, 's béidh DÍA leat 's na daoine.<sup>3583</sup>

Ar an ábhar sin, b'fhéidir nach iontach an rud é gur chuir Brian a ainm le hAchainí William Smith O'Brien (1848-9), agus is ábhar spéise cuid de na leasuithe a rinne sé ar an mbuntéacs san aistriúchán a chum sé ar Amhrán Náisiúnta na Breataine, m.sh. 'le'r dteampoll arís a thógadh i stát' in ionad 'defend our Church and State'.<sup>3584</sup> Má b'fhoclach an duine é, mar is léir óna chuid litreacha, níor dhuine glórach muiníneach é, agus ní dócha gur phós sé riamh.<sup>3585</sup> '[H]e does not appear to have

---

<sup>3583</sup> ARÉ 23E12 (769), lgh 258-9. Ní dhearna mé d'athrú ar théacs na lámhscríbhíne, ach cuid de na fleiscíní a bhaint, agus athrú beag nó dhó a dhéanamh ar an bponcaíocht.

<sup>3584</sup> Féach na cóipeanna difriúla den aistriúchán sin atá istigh le páipéir Bhriain Uí Thomaltaigh in ARÉ 3C4i (b) (1018). Gearrthóga as an *Drogheda Reporter*, an 6 Márta 1863, agus páipéir eile, atá iontu.

<sup>3585</sup> Phós fear darbh ainm Bernard Tumlalty bean darbh ainm Mary Kerans i bParóiste Pheadair, Droichead Átha, an 26 Iúil 1847, ach ní hé an scríobhaí é, agus ní heol dom goidé an pháirt a bhí aige le Brian Ó Tomaltaigh an scríobhaí. Fuair duine darbh ainm Bernard Tumlalty bás in Aontas Dhroichead Átha sa bhliain 1894, agus tugaim roinnt eolais i dtaobh an fhir a pósadh sa bhliain 1847, díreach le go mbeidh muid in ann é a cheangal leis an té a fuair bás san Aontas. Tá taifead ar a phósadh i gClár na bPóstaí, *Paróiste Pheadair, Droichead Átha*, 1842-66,

'26 [Iúil 1847]. Bernard Tumlalty and Mary Kerans. W<sup>s</sup> Mary Tumlalty and Ja<sup>s</sup> Prendergast. [£] 0.10.0'.

Fuarthas na taifid baistí seo a leanas i gClár na mBaistí, *Paróiste Pheadair, Droichead Átha*, 1842-66:

'25 [Aibreán 1848]. Tho<sup>s</sup> of Bernard Tumlalty and Mary Kerans. S. Margaret Waters. [£] 0.2.6'.

'28 [Nollaig 1849]. Stephen of Ber<sup>d</sup> Tumlalty & Mary Kieran. S. Mary Tumlalty. [£] 0.0.0'.

'[5 Eanáir 1852]. Ann of Bernard Tumlalty & Mary Kerans. S.S. Ann M<sup>c</sup>Cusker, Tho<sup>s</sup> Johnson'.

'9<sup>th</sup> [Iúil 1855]. Jane of Bernard Tumlalty & Mary Kearnes. S.S. Tho<sup>s</sup> Kearnes, Mary Taffe'.

'[20 Meán Fómhair 1859]. Margaret of Bernard Tumlalty & Mary Kierns. S.S. James Murphy, Bridgt Brodigan'.

Tharlódh sé go raibh iníon eile acu, Mary Tumlalty (féach thíos). Is dóigh go bhfuil an Bernard seo le ceangal leis an Bernard Tumlalty ó Mheille a fuair bás in Aontas na mBocht, Droichead Átha, ar an 14 Nollaig 1894, in aois a 73 bliana, ag a raibh iníon darbh ainm Anne, óir chláraigh sé bás mná óige (18 mbliana) darbh ainm sin sa bhliain 1872 (*OAC*, Cláruimhir: 1872, Ráithe 2, Iml. 7, lch 358); agus chuir sé a chomhartha leis an teastas. Tá cruthú eile, dá measfaí go raibh gá leis, go mbaineann na taifid bhaiste seo leis an dara Brian: (1) pósadh John Healey le Margaret Tumlalty, An Bóthar Thuaidh, lánaosta (.i. breis agus 21 bhliain), iníon le Bernard Tumlalty, 'labourer' in Eaglais Naomh Peadar, Paróiste Pheadair, Droichead Átha, ar an 31 Nollaig 1879 (*OAC*, Cláruimhir: 2666193); agus (2)

been the type to take a strenuous part in the hurly-burly of political life', dar le Séamus P. Ó Mórdha (1958c: 157), agus thiocfadh dó a bheith ceart, nó is é an rud céanna a thuigfí go réidh ón gcur síos seo a scríobh Alexander Williams air, ealaíontóir eile a tógadh i nDroichead Átha i lár na 19ú hAoise:

Drogheda did not boast of any art institutions and only supported two real live artists who bore curious names, Bernard and Thomas Tumalti. Thomas was a portrait painter and our family possess one example of his skill, a portrait of my father taken between 1850-55 and it was a creditable production considering the artist's surroundings and opportunities for study. Bernard took to landscape and still life painting. I well remember the impression made when my father took me one day to see him and I viewed with awe the contents of his humble studio. One painting I considered most lifelike and natural, that was, a dead canary painted on a cabbage leaf. I looked with veneration and admiration at the artist, and wondered if it might be possible one day to attain to similar exalted talent. I presume Tumalti was an Italian form of Tumalty or similar.'

Bernard was an intensely nervous man and if he happened to be calling in my father's shop when he was engaged in skinning a bird, preparatory to setting it up on wires, on his producing a pot labelled 'arsenic poison' that he used in the preservation of the skin, poor Bernard would immediately recollect that he had an appointment to keep and would bolt out of the shop he was so much afraid of being poisoned by the fumes of the 'arsenic'.

My father often had his shop full of idlers calling in to have a chat, but whilst he never idled and kept on at his work, he used to carry on long arguments on politics, religion, science etc.

Some of the young men were fond of joking and knew Bernard's failing. On one occasion when Bernard and others were present and my father was busy preparing a Pheasant's skin, some of the 'boys' got between Bernard and his retreat by the door, and when the dreadful 'poison pot' made its appearance, he made several ineffectual attempts to escape but was always foiled by the wags.

His discomfort kept on increasing and little boy as I was, never did I see such abject terror depicted before on a human face. His eyes became dilated and seemed ready to burst, his face crimson and the perspiration poured down from under his tall hat, until the boys becoming alarmed allowed him out. It was a cruel but interesting example of the force of imagination.<sup>3586</sup>

---

pósadh, ceithre bliana ina dhiaidh sin, Thomas Grey le Mary Tumalty, An Bóthar Thuaidh, lánaosta, iníon le Bernard Tumalty, gan slí bheatha, san eaglais chéanna ar an 7 Iúil 1883 (OAC, Cláruimhir: 2251320). Ní fada óna chéile an Bóthar Thuaidh agus Meille.

<sup>3586</sup> *Drogheda Independent*, an 24 Nollaig 2004.

Choinnigh sé a spéis sa teanga nuair a tháinig deireadh le cumann gaelach Dhroichead Átha: bhí an cumann beo ar éigean nuair a thosaigh Peadar Ó Gealacháin a chóipeáil téacsanna dó arís sna blianta 1850 agus 1851;<sup>3587</sup> agus d'fhoilsigh Brian cóip de 'Easlainn'<sup>3588</sup> Shéamuis Mhic Cuarta' nó 'Easlainn Shéamuis Uí Néanta', maille le haistriúchán Béarla, ar an *Drogheda Argus* an 19 Lúnasa 1854, áit a ndeir sé gur chum Séamus Mac Cuarta é thart faoin mbliain 1712.<sup>3589</sup> Ba ar Pheadar bocht a thit an cúram ciall a bhaint as ar scríobh Brian san *English character*, agus é a chur i ngnáthortagrafaíocht na Gaeilge le haghaidh an phreasa.<sup>3590</sup> Luaitear Brian mar scoláire Gaeilge sa liosta a chuir Patrick O'Farrell le chéile sa bhliain 1853 (Ó Casaide 1940: 257); bhí sé fós ag cur faoi i Sr. San Labhráis an tráth sin. Nuair a foilsíodh *Luacháil Griffith* (1854), a ndearnadh an obair suirbhéireachta di sa bhliain 1852, cuireadh luach £7.15.0 ar an teach agus ar an gclós a bhí ag Brian i Lána na Saorscoile. Bhí an teach suite ar an gcúinne idir an lána agus Sr. San Labhráis.<sup>3591</sup> I measc na ngearrthóg ina chuid páipéar, tá leagan Gaeilge de shliocht as saothar Thomas Moore, *Go where glory waits thee*, a cuireadh i gcló ar an bpáipéar céanna i mí Eanáir 1855, ach ní léir go raibh ceangal aige lena fhoilsiú.<sup>3592</sup> Bhí Brian fós mór

<sup>3587</sup> Féach na dátaí a thugtar i nóta 2643.

<sup>3588</sup> Litriú canúnach ar an bhfocal *aisling*.

<sup>3589</sup> Is follas gur bhain sé an dáta seo as leabhar O'Reilly (1820: ccxi). Tá dréacht den phíosa seo i láimh Bhriain in ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 10, mar aon le cóip neamhiomlán in ortagrafaíocht na Gaeilge a ghráf Peadar Ó Gealacháin in ARÉ 3C4i (a) (1018), f. [49a]. Tugadh an t-eolas seo cheana i nóta 2712. Istigh leis an lámhscríbhinn sin fosta, tá profa fada den dán ó chlódóirí an *Drogheda Argus*, agus is blogh d'aistriúchán Béarla ar an dán í ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 7. Tá an t-aistriúchán sin i bpeannaireacht Pheadair Uí Ghealacháin, agus is gaire é don bhuntéacs ná ceapadóireacht Bhriain Uí Thomaltaigh. Bhí an profa seo istigh le ARÉ 3B39 (250) tráth, *R.I.A. Cat.*, 629. Féach Ó Mórdha (1958c: 157), mar a bhfaighfear plé ar chumas Bhriain mar aistritheoir.

<sup>3590</sup> Féach nóta 3589.

<sup>3591</sup> Bhíodh Lána na Saorscoile ina aicearra idir Sr. San Labhráis agus Sr. Uilliaim, agus níl ann ach leath de anois, tharla gur tógadh ionad siopadóireachta ag barr an lána, nuair a leagadh an tseanscoil ghraiméir. Tá an tsaorscoil ann go fóill, áfach, agus teach dhá stór san áit a raibh plota Bhriain Uí Thomaltaigh, de réir mar is féidir liom a dhéanamh amach. Déarfainn gur tógadh sa 19ú hAois é, agus is féidir gurb é seo an teach a bhí aige.

<sup>3592</sup> Deirtear sa nóta mínithe a cuireadh leis an bpíosa gur aistrigh gníomhaire teanga áitiúil, 'Mac Milea', é. Bheifí ag ceapadh gur aistrigh Brian é, ar ndóigh, agus go ndearna duine eile an litriú a thabhairt chun slachta dó. Ó tharla go bhfuil tréithe Muimhneacha sa téacs, m.sh. 'Dein fe dhéin na Gloire', 'bíoch', 'uim neoin', 'Nuair thugair', 'ná dear'úd', srl., níorbh é Peadar Ó Gealacháin a réitigh é do Bhrian, ná ní dóigh gurbh é Brian a cheap an dán i dtús áite. Ós rud é gur nós do Nioclás Ó

le Nioclás Ó Cearnaigh i ndiaidh dó dul go Baile Átha Cliath sa bhliain 1844, agus dhealródh sé gur bhuail sé isteach chuige ina lóistíní san ardchathair sa bhliain 1845. Scrúdaigh Brian MN LM1, cóip lámhscríofa—a grafadh idir 1848 agus 1851—de thairngreachtaí Niocláis Uí Chearnaigh sular foilsíodh iad sa bhliain 1856. Chuir Brian léi blogh de thairngreacht bheag a bhí ar eolas aige féin, san *English character*, agus iarracht déanta aige ansin ar a litriú san ortagrafaíocht thraidisiúnta.<sup>3593</sup> Tchíonn muid J. T. Rowland ag gearán faoi Bhrian i litir phríobháideach chuig Nioclás Ó Cearnaigh i dtaobh na dtairngreachtaí, rud a scríobh sé ar an 12 Meán Fómhair 1855, ‘P.S. Tumalti is incorrigible and unchangeable’.<sup>3594</sup>

Is beag atá ar eolas againn faoi Bhrian tar éis na bliana 1855, áfach, agus ní dócha go raibh sé ar a chumas mórán a dhéanamh ar son na teanga. Bhog sé i ndeireadh a shaoil go Sr. an Mhaoir, gar do na \*Lánaí Cúil [Backlanes].<sup>3595</sup> Mhair sé a dheartháir, Thomas Tumalti. Is ag cruinniú de chuid Bhardas Dhroichead Átha a fhaigheann muid an spléachadh deiridh air i mí na Bealtaine 1870, nuair a thairg sé don Bhardas na seanmhapaí a bhí ina seilbh an uair sin a chóipeáil.<sup>3596</sup> Níor ritheadh rún. Fuair sé bás i Sr. an Mhaoir ar an 10 Eanáir 1871. Níl teastas báis ar fáil dó, ar ábhar éigin, ach is fearr mar theist air, cibé rud é, an tuairisc fhada báis a foilsíodh ar an *Drogheda Argus* ceithre lá ina dhiaidh sin, fógra a phléann go sásúil an cineál duine a bhí ann, agus an deireadh a tháinig air,

---

Cearnaigh foirmeacha Muimhneacha a bhrú ar théacsanna Ultacha corruair, is féidir gurbh é Nioclás a chuir cruth air do Bhrian. Míniú eile ar an scéal is ea go raibh scoláire Gaeilge eile ó Dhroichead Átha freagrach as an dán. Bhí scoláire Gaeilge eile ag cur faoi ar Shr. San Labhráis fosta, M. F. MacCarthy. Diomaite de nach féidir liom a rá cár saolaíodh é, d’fhéadfaí a rá gur féidir gur Mhuimhneach é, ar bhonn a shloinne, cé go mbeadh leis ce orm scéal a tharraingt ar shloinne duine amháin. Déantar tagairt do M. F. MacCarthy i liosta O’Farrell (Ó Casaide 1940: 258).

<sup>3593</sup> Féach MN LM1, fordhuilleog thosaigh, lgh 47, 89, nó nóta 2238. Fuair an tairngreacht áit i bhfonóta i leabhar Niocláis (O’Kearney 1856: 169n.), mar chuid de na nótaí ar Dhomhnall Cam.

<sup>3594</sup> ARÉ 3C8(3) (1096), mír 3. Déantar trácht ar thairngreachtaí Niocláis Uí Chearnaigh sa litir chéanna. Tá an sliocht a tugadh thuas i gcló cheana in Morris (1928: 269).

<sup>3595</sup> Níl sa leagan Gaeilge seo ach aistriúchán focal ar fhocal, agus níl bunús stairiúil leis.

<sup>3596</sup> *Drogheda Argus*, an 28 Bealtaine 1870.

## DEATH OF AN ARTIST

We regret to have to announce the death of Mr Bernard Tumalti, artist, who died at his residence, Mayoralty-street, on Tuesday evening last, at the age of 72. The deceased was long and familiarly known in Drogheda, where h[i]s talents, though often unrewarded and left to repose in the shade, produced some really true paintings – a gallery of portraits in [f]act, of civic authorities, and other “Hea[d]s of the People.” The paintings in St. Mary’s Church, James’ street, are from his pencil, and that of his late brother, and these are favourable specimens of the artistic ability of Drogheda’s old masters[.] A kind of walking repository for all odds and ends of Celtic lore, going back to the Round Towers or behind them, and ready to expound to any listener, theories ranging from the Philosopher’s Stone to the regeneration of society, poor Tumalti was one of those popular characters whose talents and idiosyncracies, although unnoticed and unrewarded while we have the original in the fl[e]sh amongst us, are readily missed and m[o]rned when he is gone. For the last ten years, the life of Mr Tumalti was a constant struggle against – shall we say it – the direst poverty, and but for the assistance of the society of St. Vincent de Paul, which is ever doing deeds of noiseless good amongst us, the old artist might have long since starved. On the death of Mr Tuma[l]ti becoming known, some kind-hearted gentlemen exerted themselves in the raising of a sum of money for the interment of the deceased, and also to provide for two aged sisters. A sum beyond £20 was col[l]ected in a few hours.

On Thursday, his remains were interred in the ancient burial ground of Slane.  
– R.I.P.<sup>3597</sup>

Fógraíodh bás Mary Tumalti, a cailleadh i Sr. an Mhaoir an 8 Márta 1876, ‘sister of the late Messrs. B. and T. Tumalti, portrait painters’,<sup>3598</sup> ar an *Drogheda Argus* cúpla lá tar éis a báis, ach dealraíonn sé nach bhfuil teastas báis ar fáil di, cosúil lena beirt deartháireacha. Ba í Agnes Tumalty (c.1810-1893) an deirfiúr eile: fuair sí bás go tobann de bharr sioncóipé i dTeach an Mhaoir,<sup>3599</sup> Sr. an Mhaoir, Droichead Átha, ar an 5 Eanáir 1893.<sup>3600</sup>

---

<sup>3597</sup> *Drogheda Argus*, an 14 Eanáir 1871.

<sup>3598</sup> *Drogheda Argus*, an 11 Márta 1876.

<sup>3599</sup> Tá an teach breá seo fós ina sheasamh, ar an gcoirnéal idir an cé agus Sr. an Mhaoir.

<sup>3600</sup> Bean dhíomhaoín a bhí inti, agus ‘Middle Class, no occupation’ curtha síos mar ghairm di. Deirtear ar an teastas (*OAC*, Cláruimhir: 3877426) go raibh sí ‘about 83 years’, tomhas garbh, is dócha.



2.223. Mícheál Ó Tónair,<sup>3601</sup> *fl.* 1817-27

[Michael ‘Mixey’ Toner]

COFLA D3 (*d*). Dán [le hArt Mac Cumhaigh], bhloghanna eile filíochta, rannaíocht Bhéarla. Baile na Lorgan, Baile Átha Buí, An Lú 1817, 1824.

Bhailigh de Brún (2009: 472) an chuid is mó de na sonraí a thugtar anseo.

Cuimsíonn an bhlogh lámhscríbhinne seo trí dhuilleog, ar ar scríobh Mícheál Ó Tónair, nó ‘Micsidh’ mar ab fhearr aithne air,<sup>3602</sup> ábhar Gaeilge, aistriúcháin Bhéarla, nótaí cuntasáochta, agus dán Béarla a chum sé féin.<sup>3603</sup> Tá an t-ainm ‘Migheal mac Conal’ i bpeannaireacht an scríobhaí in COFLA D3 (*d*),<sup>3604</sup> is dóigh liom. Má bhí sé ag tagairt dó féin sa nóta seo, agus ní gá é, is cosúil gur mhac le Conall Ó Tónair éigin é Mícheál.

Bhí COFLA D3 (*d*) fós idir lámha ag Mícheál Ó Tónair sa bhliain 1824, an bhliain ar thug sé tamall de lámhscríbhinn a ghráf Aodh Ó Néill (*q.v.*) sa bhliain 1792<sup>3605</sup> do Phádraig Mhac Gatháin (*q.v.*), le go mbeadh deis aige í a athchóipeáil. Bhí Mícheál i bhfostú an *Irish Society* idir mí na Samhna 1825 agus mí na Bealtaine 1827, agus bhreac Eugene Duffy [? = Eoghan Ó Dúiche (*q.v.*) an scríobhaí]<sup>3606</sup> ainm Mhíchíl ar rúin Dhún an Rí, ar a shon, b’fhéidir, ar an 5 Meán Fómhair 1827 (de Brún 2009: 472).

---

<sup>3601</sup> De réir Phádraig Mhic Gatháin, ARÉ 24L34 (815), lch 135.

<sup>3602</sup> Tugtar an leagan Béarla, ‘Mixey’, in COFLA D3 (*d*), lch 6, agus an leagan Gaeilge, ‘Micsidh’, i láimh Phádraig Mhic Gatháin in ARÉ 24L34 (815), lch 113.

<sup>3603</sup> Féach an dán gearr 12 líne, *Calling my comrades all to convey my corpse this night*, in COFLA D3 (*d*), lch 6.

<sup>3604</sup> COFLA D3 (*d*), lch 6.

<sup>3605</sup> Tugtar cuid de na téacsanna a bhí i lámhscríbhinn na bliana 1792, de réir chóip Phádraig Mhic Gatháin, ARÉ 24L34 (815), i nóta 1519 thuas.

<sup>3606</sup> Féach an cuntas ar Eoghan Ó Dúiche i gCaib. 2.155 thuas.

**ARÉ 23A49 (369).** Formhór di. [‘Cáineadh Whaley’], dánta le Séamus Mac Cuarta, Donnchadh Mór [Ó Dálaigh], laoi fiannaíochta, [‘Táin Bó Geanainn’], ‘Bodach an Chóta Lachtna’. 1766.

**COBÁC A40 (c).**<sup>†3608</sup> Blogh di. ‘Eachtra Choinn’ (blogh di).

**COBÁC L1.**<sup>3609</sup> Scéalta rómánsaíochta. 1779.

Tá litriú Shéamuis Uí Threasaigh giota beag neamhrialta, agus tá lámh neamhghnách aige, ach is aistí fós ábhar ARÉ 23A49 (369), lámhscríbhinn ina bhfuil an t-aon chóip atá againn den téacs *Lá dá rabhas ag taisteal na móna i m’aonar*, a thráchtann ar agallamh idir an file agus geosta i bhfoirm cait, cóip de ‘Táin Bó Geanainn’,<sup>3610</sup> agus leagan de ‘Cáineadh Whaley’ nach dtéann leis na cóipeanna eile den phíosa ar dhóigheanna éagsúla. Ghráf dhá láimh eile giotaí den lámhscríbhinn. Tá giota fáin atá istigh le COBÁC A40, lámhscríbhinn le Silbheastar Mhac Gibne (*q.v.*), i láimh Shéamuis Uí Threasaigh, ach ní féidir a thaispeáint go raibh aithne acu ar a chéile.<sup>3611</sup> Is beag atá ar eolas faoin scríobhaí, ach go raibh sé beo sa dara leath den 18ú hAois.

<sup>3607</sup> Sin an leagan dá ainm a thugtar san *Hayes Cat.*, 695 col. c, faoin iontráil ar COBÁC L1, agus ó tharla nach raibh faill agam an lámhscríbhinn a léamh (féach nóta 3609 thíos), b’éigean dom brath ar an iontráil chatalóige anseo, óir ní thugtar leagan Béarla dá ainm sa dá lámhscríbhinn eile dá chuid a tháinig slán.

<sup>3608</sup> Níor scríobh Séamus Ó Treasaigh ach duilleog fáin amháin (lgh 117-8) atá i gcúl na lámhscríbhinne. Is ionann an script atá ar an duilleog seo agus í siúd atá in ARÉ 23A49 (366), agus tá cuid de na dearmadtaí litrithe céanna inti fosta.

<sup>3609</sup> Níl d’eolas ar an lámhscríbhinn san *Hayes Cat.*, 695 col. c, ach, ‘Romantic tales. Scribe: James Tracy, 1779’, agus tá an lámhscríbhinn róleochaileach lena scrúdú (mí Eanáir 2017).

<sup>3610</sup> Baineadh úsáid as an gcóip seo in eagrán Ní Ghráda (1925) den téacs. Mar seo a thrácht Dubhglas de hÍde uirthi: ‘Tá an laimh-scríbhinn eile, [ARÉ] 23 A. 49. go holc ar fad. ... Is dóigh gur i Laighean [*sic*] ó thuaidh nó i gCúige Uladh ó dheas do rinneadh í óir tá dán leis an Dall Mac Cuarta ann’ (Ní Ghráda 1925: 49-50). Níl mé in ann ach dhá log a aimsiú in ARÉ 23A49 (369), agus iad i nótaí déanacha a chuir léitheoirí leis an lámhscríbhinn: (1) ‘Edward L. Farrell, Dublin’, lch 15; agus (2) ‘Carlton (?) House’, lch 80. Tá Carlton House suite cúpla míle taobh ó dheas den teorainn idir Co. na Mí agus Co. Chill Dara, gar do Mhaigh Nuad.

<sup>3611</sup> Tá ceangal traidisiúnta ar an lámhscríbhinn go fóill, agus an duilleog sin caite isteach taobh istigh den chlúdach cúil.

## 2.225. Risteard Pluincéad [1], fl.1662

**LEM Z4.2.5.** Autograf an *Vocabularium Latinum et Hibernum: Foclóir*

*Lainne agus Gaoidheilge*. Mainistir Átha Troim, Baile Átha Troim, An Mhí 1662.

Chuir de Bhaldraithe (1987) an beagán eolais atá againn ar an mBr Risteard Pluincéad [1] le chéile, ach sáraíodh a chuid iarrachtaí teacht ar mhórán sa bhreis ar a bhfuil i gcló san *Archaeologia Britannica* (1707) agus in O'Reilly (1820), agus is soiléir gur bhain siad beirt a gcuid sonraí nach mór as an réamhrá leis an bhfoclóir féin. Is beag a bhí Mhág Craith (1980: 240-1) in ann a chur leis an méid sin. Déantar tagairtí gearra don *Vocabularium Latinum et Hibernum*, nó 'Foclóir an Phluincéadaigh', i gcuid mhaith leabhar eile, m.sh. Millett (1964: 504, 509), Gillespie (2009: 65), ach is maith a léiríonn an beagán eolais a thugtar iontu a ghainne atá sonraí beathaisnéise ar an scoláire tábhachtach seo. Tugtar cuntas gearr air in *Beath. 1560-1781*, 175 col. b.

Bráthair bocht d'Ord San Proinsias a bhí ann agus a bhí lonnaithe i mBaile Átha Troim nuair a chuir sé a mhórshaothar—an t-aon sampla de shaothar a láimhe atá againn—i gcrích sa bhliain 1662. Sin a bhfuil d'eolas barainneach air. Thuairimigh de Bhaldraithe (1987: 19 col. a) go bhféadfadh sé gurbh eisean an Richard Plunket a gabhadh i gCo. na Mí in 1647, agus a ligeadh saor nuair a shocraigh Eoghan Ó Néill agus an Diúc Urmhumhan ar phríosúnaigh a bhabhtáil, ach tá sé chomh maith againn díriú ar an bhfoclóir féin anois, saothar a líonann tuairim is 844 leathanach scríofa mar aon le réamhrá. Cé nár foilsíodh riamh é, tá neart foclóirithe tar éis dul siar agus

anair air le breis agus trí chéad bliain, Tomás de Bhaldraithe go háirithe,<sup>3612</sup> an té a léirigh (de Bhaldraithe 1990) go gcumadh Risteard focail dá chuid féin áit a bhfuair sé an teanga féin, idir labhartha agus scríofa, easnamhach; d'fhág sé, áfach, go leor leor focail chearta iasachta againn a sheachnaítí i bhfoclóirí agus sa teanga scríofa go dtí sin, agus b'iomáí scoláire a sheachain cuid acu ina dhiaidh fosta. Cibé locht atá air, tá an foclóir féin ina mhórfhoinse do Ghaeilge a linne, agus is mó ná leid nó dhó atá ann ar chanúint an údair féin, cé nach dtuigfear méid an eolais atá ann ar chanúint na Mí, mar a dúirt de Bhaldraithe (1987: 22 col. c – 23 col. a), go ndéanfar staidéar cuimsitheach ar an lámhscríbhinn. I measc na bhfoinsí a deir an Br Risteard linn a cheadaigh sé, tá saothair Mhíchíl Uí Chléirigh, Fhlaitrí Uí Maoil Chonaire, agus Shéathrúin Céitinn, mar aon le scéalta rómánsaíochta ar nós 'Eachtra an Mhadra Mhaoil', 'Céilidhe Iosgaide Léithe', agus eile. Táthar ar an eolas le fada an lá faoin úsáid a bhain Lhwyd as—agus faoin mbascadh a rinne sé ar ar chóipeáil sé as—agus dealraíonn sé go raibh cúpla foclóirí eile ag brath ar shaothar Risteard, a bheag nó a mhór ina dhiaidh sin—Proinsias Bhailis (*al. Uailis*), 1706, agus ——— Crab (*q.v.*), c.1747 (de Bhaldraithe 1963: 263), agus eile.

Ní fios cá huair a fuair sé bás, ach amháin gur chum Pat Darditz (*q.v.*), a mhair go dtí an bhliain 1690 ar a luaithe, marbhna air.

## 2.226. Risteard Pluincéad [2], *fl.*1793-1808

[Richard Plunket]

**CML7(1-2).** 'Tuireamh na hÉireann', autograf, dánta le Peadar Ó Doirnín,

Cathal Mag Ruaidhrí, Séamus Mac Cuarta, [Séathrún Céitinn], Tomás Ó

Cléirigh, Art Mac Cumhaigh, dánta cráifeacha, laoithe fiannaíochta, 'Do

<sup>3612</sup> de Bhaldraithe (1963; 1987; 1990) ach go háirithe; déantar tagairtí eile don fhoclóir in de Bhaldraithe (1984; 1986; 1988; 1999). Tá nótaí eile ar ábhar a fhoclóra san iliomad foinsí, m.sh. Ua Súilleabháin (2002: 173-4, 176, 178), ach ní fiú iad uilig a thabhairt anseo.

Theacht Antichríost’, trácht ar an bPáis, ‘Mac na Míchomhairle’, ‘Comhairle Mhic Clámha’, ríthe na hÉireann (sliocht as ‘Foras Feasa air Éirinn’). 1793.

**OÉG H9.** Bloghanna di.<sup>3613</sup> Búrdúin agus dánfhocail (i mBéarla agus i nGaeilge), amhráin ghrá, autograif (?).

**OÉG H10.**<sup>†</sup> Bloghanna di.<sup>3614</sup> Giota de dhán le Séamus Mac Cuarta, urnaí.

D’fhéadfadh sé gurb ionann an scríobhaí seo, agus an t-aistritheoir Gaeilge réamhbhreathnaitheach sin, Risteard Pluincéad nó Richard Plunket, a d’fhág againn aistriúchán Nua-Ghaeilge (trí Laidin John Colgan) d’iomainn Shean-Ghaeilge ar Naomh Pádraig agus ar Naomh Bríd, scoláire a ligeadh i ndearmad i bhfad sular thug Edward O’Reilly ‘a neglected genius of the county of Meath’ (O’Reilly 1820: xxxiii) air. Diomaite de go bhfuil an-aird á tabhairt ar shaothair chlóite Gaeilge le cúpla scór bliain anuas, agus gur chuir Ó Casaide (1929*b*) spéis ann, níor tráchtadh i gceart ar shaothair an aistritheora sin, Risteard Pluincéad, go dtí le déanaí, in Sharpe (2017*a*). Ba dhóigh le Séamus Ó Casaide (1929*b*: 13) gurbh aon duine amháin an ‘bheirt’ Risteard seo, Risteard Pluincéad an t-aistritheoir, agus Risteard Pluincéad, scríobhaí CM L7(1-2), srl. Ní féidir a bheith deimhnitheach de sin, tharla go bhfaca muid cheana gur féidir beirt scríobhaithe den ainm céanna a bheith beo agus ag cóipeáil lámhscríbhinní ag an am céanna.<sup>3615</sup> Más fíor an méid sin, beidh sé iontach doiligh an bheirt scoláirí a dhealú óna chéile, tharla go bhfuil neart tagairtí fáin do scríobhaithe darbh ainm sin scaipthe trí na foinsí eile. Is féidir linn tosú leis an eolas atá againn a leagan amach go cruinn, mar a rinneadh cheana le Roibeard Mhag Uidhir agus leis an Ath. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill (*qq.v.*), agus iarracht a

---

<sup>3613</sup> Féach nóta 3314. Ó tharla gur scríobh Peadar Ó Maoil Chéile mórchuid OÉG H9 sa bhliain 1793, agus gur líon Risteard Pluincéad [2] spásanna a d’fhág Peadar Ó Maoil Chéile bán, téann sé le céill gur scríobh Risteard a chuid féin den lámhscríbhinn sa bhliain 1793 nó ina dhiaidh sin. Tugann nóta ar lch 140 le fios gur le Risteard an lámhscríbhinn lá dá shaol.

<sup>3614</sup> OÉG H10(2), lgh 358, 383.

<sup>3615</sup> Féach nóta 479 thuas.

dhéanamh ar an eolas uilig a thabhairt le chéile. Ó thaobh na hoibre atá idir lámha againn anseo, is iad na príomhchúraimí atá orainn: (1) beathaisnéis scríobhaí CM L7(1-2), srl., a thabhairt le chéile; agus (2) féachaint an bhfuil gá le Risteard Pluincéad eile a chur leis an liosta seo. Éireoidh na deacrachtaí a bhaineann leis an gceist seo soiléir de réir a chéile, táthar ag súil leis, ach níl ní ar bith ab fhearr a thiocfadh linn a dhéanamh anseo, ná na ceithre phríomhfhoinsé eolais atá againn a leagan amach faoi cheithre litir, **A** – **D** arís. Léiríonn <sup>r</sup> tar éis na príomhlitreach go bhfuil sé dearbhaithe go bhfuil ainm Risteard Pluincéad éigin leis an saothar, agus <sup>0</sup> nach bhfuil sin soiléir ach oiread: **A<sup>r</sup>**, **B<sup>r</sup>**, **C<sup>0</sup>**, agus **D<sup>0</sup>**. Is í LB Eg. 186 agus a cuid colafon is ábhar leis na deacrachtaí uilig.

(**A<sup>r</sup>**) Risteard Pluincéad, údar na dtéacsanna atá luaite in Pluncead (1791) Thrácht Sharpe (2017a) go mion ar shaothair chlóbhuailte **A<sup>r</sup>** cheana féin. Ní thugtar anseo, de ghrá na simplíochta, ach an chatalóg lom a sholáthraítear in Pluncead (1791: 32), áit ar tugadh iad faoin teideal ‘Irish Translations in English Characters’, is é sin, an cló rómhánach. Tá dhá cheann de na téacsanna seo, II. (Pluncead 1791), agus III. (cóip lámhscríofa) ar fáil inniu.

- I. The New Testament translated from the Greek and Latin, with some Notes and an Index of the Epistles and Gospels, which are read on Sundays and Holy Days.
- II. The Hymns of St. Patrick, and St. Bridget, extracted from the Ancient Scytho-Celtic Dialect, into Modern Irish: with Short Directions for Reading Irish, intended for those who Speak and Understand the Language.<sup>3616</sup>

<sup>3616</sup> Tá cóip nó dhó den leabhrán féin, Pluncead (1791), ar fáil go fóill; féach Fenning (2004-5: 85-6), agus Ó Casaide (1933: 62), áit a ndéantar tagairt don chóip a bhí ag John McNamara (*ob.*1822), rud a cuireadh ar ceant (mír 37) lena chnuasach sa bhliain 1822. Tá an chóip chlóschríofa a rinneadh ar son Shéamuis Uí Chasaide (Ua Casaide 1911: 80) sa Leabharlann Náisiúnta anois, agus tá dornán cóipeanna lámhscríofa a rinne na scríobhaithe féin againn: ARÉ 23C28 (393) le Séamus Niocláis, Na Croseochracha, Co. na Mí, 1818; ARÉ 23O79 (1388) le hEoin Ó Fionnagáin, Cúil Mhaoilín, Co. na Mí, 1821-4; LB Add. 40767 [le Silbheastar Mhac Gibne ó Cho. na Mí]; LN G228 le hEoin Ó Muirreadh, Cill Fhallúin, Co. na Mí, 1801; ÓEG H10 [le Roibeard Mhag Uidhir]; COBÁC M2 le Nioclás Ó Cearnaigh. Níl in ARÉ 23C28 (393) agus ARÉ 23O79 (1388) ach an t-iomann ar Naomh Pádraig, agus tugann an bheirt acu an dáta 1784 mar dháta aistrithe ina gcuid lámhscríbhinní; féach

- III. The Recommendation of a departing Soul. From the Latin.<sup>3617</sup>
- IV. True Wisdom.
- V. A Poem on the Vanity of the World, the Sufferings of Christ, and the General Judgment.
- VI. Four Dialogues out of Erasmus.
- VII. Cebes, the Theban Philosophers allegorical Picture of Human Life. From the Greek and Latin.
- VIII. An Essay in Rhyme, on Penelopes Epistle to her Husband Ulysses, from Ovid.<sup>3618</sup>
- IX. A plain Irish Translation of the Gospels, which are read on the Sundays and Holy Days of the whole Year, Digested according to the Roman Missal, and designed for the Use of such Country Pastors as choose to exhort their respective Flocks in their known native Language.

Ní gá a mheabhrú a uathúla féin agus a bhí an tsraith seo leabhrán ag deireadh na 18ú hAoise, ní hamháin mar gheall ar na saothair féin atá iontu, ach toisc gur fhéach an t-údar, Risteard Pluincéad (**A<sup>r</sup>**), lena gcur i bprionta; agus murab é gur tháinig cóip nó dhó den leabhrán féin slán chugainn, is ar éigean a chreidfí gur cuireadh a leithéid sin i gcló san 18ú hAois riamh. Caithfidh sé go raibh spéis láidir ag scríobhaí **A<sup>r</sup>** sna clasaicí agus in ábhar cráifeach, agus dar le Sharpe (2017a: 196-7), a mheasann gurb aon duine amháin iad **A<sup>r</sup>** agus **D<sup>o</sup>**, is éard atá le tuiscint as iontráil i bhfoirm cholafoin a scríobhadh in LB Eg. 186, gur mháistir scoile a bhí ann. Níorbh aon iontas é má chaith sé tréimhse i gliarscoil nó i scoil chlasaiceach lá dá shaol, óir ba mhinic a théadh mic-chléirigh ar theip orthu sa chúrsa, nó a d'éirigh as, le

---

Sharpe (2017a: 194). Is cóip de ARÉ 23C28 (393) cuid d'ábhar ARÉ 23O79 (1388); féach an *R.I.A. Cat.*, 3582. Níl in CM L6, lámhscríbhinn a scríobh Mícheál Ó Murchadha, 1825, ach na leaganacha Sean-Ghaeilge.

<sup>3617</sup> Tá cóip lámhscríofa den téacs in LB Eg. 186, ní a phléifear thíos. Is leor a rá anseo go ndeirtear sa *B.M. Cat.*, ii, 468, gur scríobh Risteard Pluincéad cuid de LB Eg. 186 c.1777, ach féach gur cuireadh an colafon ina ndeirtear sin leis an lámhscríbhinn seal éigin i ndiaidh a scríofa.

<sup>3618</sup> Is dócha gurb é seo an píosa próis sin, 'Litir Nuala', a chonaic Ua Muirgheasa (1905e: 836 col. b) in Coyle 5: 'Litir Nuala. (Penelope's letter—in Irish—to her husband, Ulysses). 8 pages. The MS. from which Coyle made the transcript was written by "Tomas Tannam a mBealreabien." There is a place of this name in Co. Louth, not far from Inniskeen'. Chóipeáil Séamus Mac Giolla Chomhghaill Coyle 5 idir 1872 agus 1882. Tá an dá lámhscríbhinn sin, Coyle 5 agus an eiseamláir, caillte anois.

múinteoireacht,<sup>3619</sup> ar ndóigh, tharla an cumas a bhí acu sa Laidin. Sa chnuasach páipéar agus clárleabhar de chuid Choláiste San Seoirse, Alcalá de Henares, atá istigh le páipéir Salamanca, tá tagairt i gceann de na clárleabhair do Richard Plunkett éigin ó Ballyro [? ón mBaile Rua], Colpa, Co. na Mí,<sup>3620</sup> mac le Matthew Plunkett agus Margaret Fallam, a cláraíodh mar mhac-chléireach sa choláiste an 30 Nollaig 1761, ach tá an chuma air ó na taifid gur oirníodh ina shagart é sula ndeachaigh sé ann. Caithfidh sé gur éirigh go maith leis, óir ceapadh ina reachtaire é don tréimhse idir 1766 agus 1767, agus d’fhill sé ar Éirinn sa bhliain 1769 (O Connell 1997: 44). Níl rud ar bith sna lámhscríbhinní a mheabhródh dúinn, áfach, gur shagart é **A<sup>r</sup>**, ná níl trácht ar a leithéid de shagart i dtaifid Dheoise na Mí thart faoin am sin;<sup>3621</sup> agus is ar éigean nach dtabharfadh sé a leithéid le fios ar an leabhrán, Pluncead (1791), óir chuirfeadh sé cruth údarásach ar an obair a bhí déanta aige, an leagan Gaeilge den Bhíobla go mórmhór.

(**B<sup>r</sup>**) Ristead Pluincéad, scríobhaí CM L7(1-2), 1793, agus bloghanna de OÉG H9 agus OÉG H10

Maidir le scríobhaí **B<sup>r</sup>**, níl mórán eolais ar fáil faoi ina chuid lámhscríbhinní, ach go raibh sé beo sa dara leath den 18ú hAois, agus gurbh fhile é. Is dócha, mar gheall ar na scoláirí eile a bhí ina chuideachta, go raibh cónaí air i gCo. na Mí.<sup>3622</sup>

---

<sup>3619</sup> Tá scéal múinteora den sórt seo aithriste sa dán *Inghean álainn an tláithchoirp is an tánaghoib ghrís*, a leagtar—ar ndóigh—ar Philip Ministéir sna lámhscríbhinní. Tá cóip de ag Ristead é féin (scríobhaí **B<sup>r</sup>**) in OÉG H9, lch 131, agus é sínithe aige ag bun an téacs.

<sup>3620</sup> Tá an paróiste seo, Colpa, díreach taobh ó dheas de Dhroichead Átha. Ní fios cá raibh Ballyro, áfach, murab ionann é agus an Baile Rua, ach níl an baile fearainn sin i bparóiste Cholpa.

<sup>3621</sup> Ba ghnách le Cogan (1862; 1867; 1870) gan bacadh ach leis na sagairt pharóiste amháin a phlé ina shaothar, agus cailleadh an chuid is mó de na taifid ar ar bunaíodh an stair seo nuair a cailleadh an chuid is mó de pháipéir na Deoise go luath san 20ú hAois.

<sup>3622</sup> Cuireadh pláta de CM L7(2), lch 25, i gcló in Ó Donnchadha (1905a: 796). Tá tagairt in Ó Casaide (1929d) don alt sin.



Bhí cuid mhaith de CM L7(2) líonta isteach aige faoin 15 Nollaig 1793,<sup>3623</sup> agus caithfidh sé go raibh sé beo chomh mall leis an mbliain 1808, nuair a thosaigh Criostóir Aindreamha (*q.v.*) a scríobh ARE 3C4ii (1019), óir tá beagán breacadaíola i lámh **B<sup>f</sup>** uirthi in dhá áit ar leith.<sup>3624</sup> Dealraíonn sé gur chaith **B<sup>f</sup>** tréimhse in oirthear Cho. na Mí, ó tharla go raibh aithne aige ar Chriostóir Aindreamha—mar a luadh díreach thuas—scoláire ó Dhroichead Átha, mar aon le beirt scoláirí eile, Peadar Dubh Ó Dálaigh agus Michael Carolan (*qq.v.*), a bhí suite i mBaile na hEorna, gar do Bhaile Shláine, Co. na Mí, sna blianta 1806 agus 1807 faoi seach. Bhí ceangal éigin ag **B<sup>f</sup>** le Roibeard Mhag Uidhir (*q.v.*), mar a luafar ar ball beag. B’fhile é **B<sup>f</sup>**, agus tá dhá dhán dá chumadh ar fáil ina lámh féin, *A ghreiniomh sheamh togach féin do cudamh* agus *Fosgail do ghormrosc mobhear*, dhá amhrán ghrá.<sup>3625</sup> Thiocfadh dó gurbh eisean a chum *As truagh mo sgeal a leabhir g[h]rinn*, dán ar tháinig cóip amháin de anuas chugainn i lámhscríbhinn le Tomás Ó Conchubhair,<sup>3626</sup> áit a ndeirtear sa cheannteideal gur dán le ‘Ristard Pluinced’ é; agus mheabhródh cuid de na hearráidí sa chóip sin iad siúd dúinn a fheictear i lámhscríbhinní **B<sup>f</sup>** go deimhin.<sup>3627</sup> Tá cúpla tagairt do na clasaicí ina chuid dánta, ach is ar éigean a chreidfí uathu go raibh sé ina shaineolaí ar an litríocht seo. Féach, mar shampla, na tagairtí caite a dhéantar sa dán *A ghreiniomh sheamh togach féin do cudamh*,

Is binne guth a beul *gan* bhreug no mac Manor  
’s da maobh [= mbeadh] Orphéus cáon ’na dáil,  
is thug si bar sgeimh’ *tar* éis *sinn ar* Helen  
ler sgriosamh a’ Trioth is Priam;

<sup>3623</sup> Féach CM L7(2), lch 125.

<sup>3624</sup> Féach nóta 824 thuas.

<sup>3625</sup> Tá an dá dhán seo i lámhscríbhinní éagsúla dá chuid, CM L7(1), lgh 25-7; agus OÉG H9, lch 96, faoi seach. Níor cuireadh in eagar riamh iad.

<sup>3626</sup> COBÁC M14, lch 75. Tugtar air ‘Saoirudh beag do rinigh Ristard Pluinced’.

<sup>3627</sup> Bíonn *ao*, ó na Gaeilge agus *oa* an Bhéarla i gcónaí trína chéile i lámhscríbhinní Risteaird Pluinced [2], agus tá dhá shampla de seo i gcóip Thomáis Uí Chonchubhair, *’s nior bhaol*, l. 12; *a mbroan*, l. 24. Dhá nós eile de chuid Risteaird atá le sonrú anseo is ea an dóigh a n-úsáidtear 2 le *do* a léiriú, rud nach ndéantar ach go fforannamh sa chuid eile de COBÁC M14, agus an nós a bhí aige a a scríobh (roimh *i*, de ghnáth) ionann is gur chuid den chomhlitir *ao* é .i. mar <. Féach l. 13.

tha braig[h]e mur eul 's a taobh mur alla,  
 's a fuiltabh creabhach go feur a' sgabamh,  
 niol tarna no tréfnhur dar fheuc[h] an abhall  
 nar bualadh go daon do [= dá] gra.  
 Is darfa an sgeul da mbaobh [= mbeadh] 'fhios ag Paris  
 go raibh 'samhail san cCrioich so F(h)ail—  
 na mílte deas greagach ge maibh gan dabhamh—  
 's an ab[h]all go mhaod [= bhfaighfeadh] si a laimh. ...  
 Ta an roas 's a' t-aol go s(h)eamh no [= ina] lioc(h)a,  
 is deimhin gur[b] í Deardra í ler eug mic Osnach,  
 no an bhandía Venus a d'ealo re Vulcan  
 7 guineamh go fhaor(?) on tsráimh.<sup>3628</sup>

De bhreis ar an méid seo, castar le hearráidí fíorbhunúsacha sna giotaí Laidine sa  
 chóip de 'Comhairle Mhic Clámha' in CM L7(2), áit a raibh an t-aistritheoir, **A<sup>r</sup>**,  
 cumasach go leor sa Laidín le téacsanna a aistriú go Gaeilge uaithe.<sup>3629</sup> Iarrann **B<sup>r</sup>**  
 orainn, tar éis dó ábhar a scríobh am éigin tar éis 1793, áfach, maitheamh dó mar  
 gheall ar dhroch-chaighdeán na hoibre a bhí déanta aige:

Genteel Reader me excuse  
 And you will gain my blessing;  
 My Hand being quite out of use  
 Because it's Seldom Writing.  
 R: P.<sup>3630</sup>

<sup>3628</sup> CM L7(1), lgh 26-7. Is doiligh meabhair a bhaint as an líne dheiridh go sásúil, toisc a ghuagaí atá  
 an litriú. Is féidir gur sampla den athrú foghair sin *tsn-* > *tsr-* atá i gceist san fhocal deiridh—féach  
 Williams (2000-1: 290), áit a bhfuil sampla den athrú sin san fhocal *snámh* i ndán a fuarthas ó  
 chainteoir dúchais, Peadar Mhac Donnchadha ó Mhullaigh Theamhraigh, in oirthear Cho. na Mí, go  
 luath san 20ú hAois. Tá an buntéacs in Laoide (1914: 131) i bhfogharscríobh Uí Ghramhnaigh, córas  
 a bhí chun tosaigh an uair sin.

<sup>3629</sup> Féach nóta Robin Flower: '...the hymn on S. Patrick, traditionally ascribed to Fiacc bishop of  
 Sletty, ... The hymn is found in both copies of the Liber Hymnorum... The Franciscan copy was  
 formerly in the hands of John Colgan at Louvain, and he printed the hymn from it in his *Trias*  
*Thaumaturga*, 1647, p. 1, with a line for line Latin translation. The present version is clearly based on  
 Colgan's Latin rendering', *B.M. Cat.*, ii, 437; '... the hymn on S. Bridget ... from the same MS. ... by  
 Colgan... with a Latin version, which has been used for the present rendering', *B.M. Cat.*, ii, 438. Tá  
 plé cuimsitheach ar an aistriúchán in Sharpe (2017a: 192).

<sup>3630</sup> OÉG H9, lch 131. Chuir **B<sup>r</sup>** ábhar breise le leathanaigh a d'fhág an scríobhaí, Peadar Ó Maoil  
 Chéile, bán. Ba sa bhliain 1793 a scríobh Peadar a chuid den leabhar.

(**C**<sup>0</sup>) Scríobhaí anaithnid LB Eg. 186, ff. 1-62b (léamh Flower)

(**D**<sup>0</sup>) Scríobhaí anaithnid LB Eg. 186, ff. 64-8b (léamh Sharpe)

Is í an lámhscríbhinn seo, LB Eg. 186, is ábhar leis na deacrachtaí uilig, go fírinneach, nó is dóigh nach gcuirfí an cheist arbh aon duine amháin iad **A**<sup>r</sup> agus **B**<sup>r</sup> murach í. Sa bheathaisnéis a thugann Sharpe ar scríobhaí **A**<sup>r</sup>, luann sé go bhfuil cuid de LB Eg. 186 i láimh Risteaird Pluincéad, máistir scoile, mar a deirtear sa chatalóg a chuir Flower<sup>3631</sup> le chéile, *B.M. Cat.*, ii, 468. Déanann siad beirt, áfach, léamh ar leith ar a ndeirtear i gcolafoin na lámhscríbhinne: (a) áitíonn Flower gur ghraf Risteard (i. scríobhaí **C**<sup>0</sup> anseo) ff. 1-62b; agus (b) is dóigh le Sharpe gur ghraf Risteard (scríobhaí **D**<sup>0</sup> anseo) na colafoin ar ff. 62b, 63b, agus a bhfuil ar ff. 64-8b. Níor mhiste struchtúr na lámhscríbhinne a phlé anseo. Theip orm ceachtar den dá láimh, **C**<sup>0</sup> agus **D**<sup>0</sup>, a aithint le scríobhaí ar bith eile, ar an drochuair, ach is soiléir ón litriú gur bhain **C**<sup>0</sup> agus **D**<sup>0</sup> leis an gceantar atá idir lámha againn. Ní féidir ceann ar bith den dá láimh a cheangal, cibé rud é, leis an bpeannaireacht atá i lámhscríbhinní **B**<sup>r</sup>. Tá an chuid a leag Flower, ff. 1-62b, ar Risteard Pluincéad i láimh mhaith (**C**<sup>0</sup>) a bhaineann leis an dara leath den 18ú hAois. Sa chuid seo, tá ábhar Caitliceach dar teideal ‘Modh *air air* Cóir an Duine Tinn d’Ollamh chum na Críche Deighnidhe: Gníomhuibh Creidighe, Dóc[h]uis, Gradh, agus Subhailcibh eile anseo’.<sup>3632</sup> tharlódh sé gurb é seo uimhir a III. sa liosta téacsanna atá in Pluncead (1791: 32). Tá trí lámh eile in LB Eg. 186: (1) lámh mhaith líofa (**D**<sup>0</sup>) ón tréimhse chéanna ‘considerably differing from that of the rest of the MS. and in a different ink’, *B.M. Cat.*, ii, 468, a ghraf cóip de ‘Tuireamh Eoghain Ruaidh Uí Néill’, ff. 64-8b, agus na colafoin a

---

<sup>3631</sup> Ní cheanglaíonn Flower an scríobhaí leis na haistriúcháin ar na hiomann atá in Pluncead (1791) anseo, agus dealraíonn sé nach raibh a fhios aige gur scríobh duine darbh ainm Risteard Pluincéad iad (Ó Casaide 1929b: 13). Chonaic sé cóipeanna de na hiomann Nua-Ghaeilge a scríobh **A**<sup>r</sup>, áfach, in LB Add. 40767; féach nóta 3629.

<sup>3632</sup> F. 44.

phléifear thíos, ff. 62b, 63b; (2) rann fáin i lámh anaithnid, f. 68b; (3) giotaí a scríobh Labhrás Mac Giolla Earna, gan síniú, f. 69. Ina dhiaidh seo, líonann dhá sheanmóir Chaitliceacha ff. 70-90, iad scríofa i mBéarla i script rómhánach Roibeaird Mhig Uidhir (*q.v.*), déarfainn. De bhreis ar an aon chóip amháin de III. a tháinig slán chugainn, tá ceithre théacs eile in LB Eg. 186 a chóipeáil **C**<sup>0</sup>, go díreach nó ar dhóigh eile, ó *Leabhar Chaillin*.<sup>3633</sup> Déanann Flower, sa *B.M. Cat.*, ii, 468, talamh slán de gur scríobh Risteard Pluincéad ff. 1-62b c.1777, ar fhianaise na gcolafon ar ff. 62b, ‘Airna sgríobhadh re Riostuid Plaincéad, 1777 ...’ (díreach i ndiaidh III., i spás a fágadh bán ag bun an leathanaigh); 63b, ‘Airna sgríobhadh lé Máighistear Riostuid Plaincéad’ (i ndiaidh ‘Fís Chaillín’, i spás ag bun an leathanaigh), cé go dtugann sé le fios gur i lámh an té (**D**<sup>0</sup>) a ghráf ‘Tuireamh Eoghain Ruaidh Uí Néill’ atá siad. Ós rud é go bhfuil a fhios againn gur dócha gur saothar de chuid **A**<sup>r</sup> ceann de na téacsanna atá i lámh **C**<sup>0</sup>, is baolach nach bhfuil á thabhairt le fios anseo ach gurbh é an t-údar é,<sup>3634</sup> agus gur cóipeáladh an dáta 1777<sup>3635</sup> as cóip lámhscríofa nó chlóbhuailte den ábhar, agus gur féidir, mar sin, gurbh aon duine amháin údar na leabhrán agus scríobhaí **B**<sup>r</sup>; sin nó go raibh léamh Flower nó Sharpe ceart—más fíor sin, beidh Risteard Pluincéad eile le cur leis an liosta scríobhaithe anseo. Beidh socrú le déanamh fosta maidir leis na tagairtí eile do dhuine / dhaoine darbh ainm Risteard Pluincéad a chuir Sharpe (2017a) le chéile. Ní hionann, mar a dúradh cheana, cuid peannaireachta **B**<sup>r</sup> agus ceann ar bith den dá chuid de LB Eg. 186 a leag Flower agus Sharpe ar Risteard Pluincéad.

<sup>3633</sup> Sin an *Leabhar Fíodhnach*, ach úsáidtear an téarma scun scan nuair a bhítear ag tagairt d’ábhar a d’eascair as.

<sup>3634</sup> Téann ina aghaidh sin go mór go ndeirtear sa cholafon ar f. 63b gur scríobh Risteard ‘Fís Chaillín’, ar de shliocht *Leabhar Chaillin* í, ós rud é nach fios dúinn go raibh baint dá laghad aige le leagan de na dánta seo a chur le chéile.

<sup>3635</sup> Deir Flower sa nóta i gcló beag roimh an gcatálóg gur grafadh an lámhscríbhinn c.1777; ní olc sin mar léiriú go raibh sé idir dhá chomhairle maidir le cruinneas an nóta seo, agus nach raibh sé sásta glacadh leis ar ábhar amháin nó ar ábhar eile.

Ba chóir go mbeadh sé soiléir ón méid a dúradh cheana go bhfuil cúpla féidearthacht i gceist, ach b'fhiú an méid atá ar eolas againn a chur síos sa chéad áit: is soiléir (1) gur triúr ar leith iad **B<sup>r</sup>**, **C<sup>0</sup>** agus **D<sup>0</sup>**; (2) nach luíonn sé le céill go mbeadh breis agus beirt scríobhaithe darbh ainm Ristead Pluincéad ag saothrú ag an am céanna. Ní gá dul isteach sa cheist seo ach chomh fada agus a bhfuil baint aici le beathaisnéis **B<sup>r</sup>**. Fágann sé sin go bhfuil trí réiteach ar an bhfadhb seo:

- (1) gurb aon duine amháin **A<sup>r</sup>B<sup>r</sup>**. Fágann sé sin gur dócha nach bhfuil sa cholafon in LB Eg. 186 ach nóta a thugann le fios gur chum Ristead Pluincéad cuid de na téacsanna anseo. D'fhéadfaí sin a chruthú, b'fhéidir, trí ábhar **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** a chur i gcomórtas lena chéile.
- (2) gur beirt ar leith iad **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>**, ach go raibh cónaí orthu sa chontae céanna ag an am céanna; is féidir ansin gur duine den bheirt scríobhaithe **C<sup>0</sup>** nó **D<sup>0</sup>** é **A<sup>r</sup>**, mar a dúirt Flower, *B.M. Cat.*, ii, 468, agus Sharpe (2017a: 196-7) faoi seach, agus bheadh orainn Ristead eile a chur leis an liosta sa bhreis ar Ristead Pluincéad [1] agus Ristead Pluincéad [2]. Faoin argóint seo, tá dhá fho-argóint ar leith:
  - (a) go bhfuil léamh Flower ceart, agus gur ghraf an scríobhaí **A<sup>r</sup>** saothar **C<sup>0</sup>**;
  - (b) go bhfuil léamh Sharpe ceart, agus gur ghraf an scríobhaí **A<sup>r</sup>** saothar **D<sup>0</sup>**.

Is fiú anois iarracht a dhéanamh **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** a chur i gcomórtas lena chéile.<sup>3636</sup>

Tugadh faoi deara cheana gur laige an ortagrafaíocht i lámhscríbhinní **B<sup>r</sup>**, agus gurb í

---

<sup>3636</sup> Níor mhiste súil a chaitheamh ar na cosúlachtaí atá ann i scéal bheatha **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** anseo.

(i) Bhí an bheirt acu beo san 18ú hAois. Maidir le **A<sup>r</sup>**, féach gur scríobhadh cuid de na haistriúcháin idir 1777 agus 1791. Scríobh **B<sup>r</sup>** ar tháinig anuas chugainn dá chuid lámhscríbhinní ón mbliain 1793 ar aghaidh, agus is soiléir ó na nótaí in ARE 3C4ii (1019) go raibh sé beo sa bhliain 1808. Féach nóta 824.

sin an chonstaic is mó ar **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** a aithint lena chéile; agus cé gur féidir sin a mhíniú dá nglacfaimis leis go ndearna duine éigin profú ar shaothar **A<sup>r</sup>** sular cuireadh cló air,<sup>3637</sup> is mór an bac an easpa leanúnachais ó thaobh na Laidine de atá le sonrú idir an leabhrán, Pluncead (1791), agus lámhscríbhinní **B<sup>r</sup>**.<sup>3638</sup> Is gá, ar an drochuair, an cheist a fhágáil gan réiteach anseo, i ndóchas go dtiocfaidh eolas eile faoi bheatha na beirte seo chun solais amach anseo. Is fiú cúpla rud eile a rá faoi na scoláirí Gaeilge eile lenar féidir **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** a cheangal.

Sa chéad áit, is beag nach cinnte go gcaithfidh sé go raibh aithne ag **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** ar a chéile, nó gur bhaill iad den ghrúpa scríobhaithe céanna, murab iad an duine céanna iad, agus tá dealramh air sin. Mar a dúradh cheana, tá cuid de LB Eg. 186 i lámh Roibeaird Mhig Uidhir, is dócha, agus is féidir **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** a cheangal leis an duine seo ar dhóigheanna difriúla. Scríobh Roibeard Mhag Uidhir cóip den dá dhán atá i gcló in Pluncead (1791) roimh an mbliain 1783. Is féidir, mar a dúirt Sharpe (2017a: 194), go raibh fáil ag roinnt scríobhaithe ar chóip chlóite de na dánta seo dar dháta

---

(ii) Ba as Co. na Mí don bheirt acu.

Agus é ag déanamh tagairt do na haistriúcháin a scríobh **A<sup>r</sup>**, dúirt Edward O'Reilly gur 'neglected genius of the county of Meath' a bhí ann (O'Reilly 1820: xxxiii); chuir **B<sup>r</sup>** ábhar sa bhreis le OÉG H9 agus le OÉG H10, dhá lámhscríbhinn a bhfuil ceangal acu le Co. na Mí. Ghraf Peadar Ó Maoil Chéile formhór na lámhscríbhinne OÉG H9 sa bhliain 1793 (maidir leis an gceangal atá ag an lámhscríbhinn seo le Co. Ard Mhacha, b'fhéidir, féach fosta nóta 3642). Bhí an lámhscríbhinn á léamh ag Michael Carolan ó Chnoc na hEorna, Co. na Mí, in 1807 (féach gur scríobh sé a ainm ar lch 75), agus tá leathanaigh i lámh chleachtaithe Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh sa lámhscríbhinn anois.

(iii) Ba mháistir scoile é scríobhaí **A<sup>r</sup>**, agus is dóigh, cé nach aon chruthú é, gurbh é **B<sup>r</sup>** a scríobh an tsuim nó ceacht scoile ar lch 96 in OÉG H9: 'Extract the square Root of 68246'. Níor éirigh leis teacht ar réiteach, áfach.

Léiríonn an inscríbhinn in LB Eg. 186 gur mháistir scoile é **A<sup>r</sup>** (más don údar a bhíodas ag tagairt anseo); má ba le scríobhaí **B<sup>r</sup>** an chóip úd de chuid *Suim Athghar an Teagasc Criosduighe* (1784) atá i Leabharlann na Breataine (féach nóta 3644), bhí sé ag teagasc sa 'Dunderry bridge chapel school'.

(iv) Chumadh an bheirt acu téacsanna.

Ní gá sin a phlé i gcás scríobhaí **A<sup>r</sup>**; léiríonn na hautograif in OÉG H9 go gcumadh **B<sup>r</sup>** filíocht. Pléifear na hautograif sin ar ball beag.

(v) Bhí taithí éigin ag an mbeirt acu ar na clasaicí, ach dealraíonn sé go raibh i bhfad níos mó ar eolas ag **A<sup>r</sup>** faoi na clasaicí, agus an Laidin go ginearálta, ná **B<sup>r</sup>**.

<sup>3637</sup> Is eol dúinn gur chuidigh Muiris Ó Gormáin le Fiachra Mhac Bhrádaigh in 1755 (féach LB Eg. 135) téacsanna a cheartú sular chuir Fiachra chuig a phátrún iad.

<sup>3638</sup> Lena chur síos go simplí, is doiligh a chreidiúint go mbeadh an té a thiontaigh an Tiomna Nua ó Laidin agus ó Ghréigis, maille leis an dúrud téacsanna eile, in ann *Munquam* a léamh in ionad *Nunquam*, agus é ag cóipeáil 'Comhairle Mhic Clámha' sa bhliain 1793. Ní féidir go raibh Ristead Pluincéad ní b'eolaí ar an Laidin in 1777 ná mar a bhí sé sa bhliain 1793; déarfaí, mar gheall ar nádúr na mbotún a dhéanann scríobhaí **B<sup>r</sup>**, gur beag Laidin a bhí aige.

1784, cibé acu ba chóip lámhscríofa, mar a thuairimíonn Sharpe, nó eagrán eile den leabhrán é, ach tá dealramh air go ndearnadh an chóip seo a rinne Roibeard Mhag Uidhir roimhe sin; agus thuigfí uaidh seo go raibh aithne phearsanta, b'fhéidir, ag Roibeard Mhag Uidhir ar scríobhaí **A<sup>r</sup>**. Bhí an lámhscríbhinn úd ina bhfuil cóip Roibeaird Mhag Uidhir de na dánta, OÉG H10, idir lámha ag **B<sup>r</sup>**.<sup>3639</sup> De bhreis ar an méid seo, tá sé soiléir nach mór gur bhall den ghréasán scaoilte scríobhaithe sin a chuimsigh Criostóir Aindreamha, Michael Carolan, Peadar Dubh Ó Dálaigh, agus Peadar Ó Maoil Chéile é scríobhaí **B<sup>r</sup>**, agus tá an chuma air gur sa dúiche thart faoi Chnoc na hEorna a bhí cónaí ar an gcuid is mó de na baill sin thart faoin mbliain 1807. Is é is dóichí, mar a dúradh cheana, gur thaistil Peadar Dubh Ó Dálaigh (*q.v.*) chuig an dúiche seo, agus é ina fhear measartha óg, mar ar scríobh sé na hiarrachtaí is luaithe atá againn óna láimh; agus bhog Síomón Ó Macaoín óna bhaile dúchais, Ceanannas, in iarthar an chontae, go dtí Cnoc an Rátha agus Cill Fhoibhrigh, nach bhfuil ach achar gearr ó Bhaile na hEorna, áit ar scríobh seisean beagnach gach rud atá againn uaidh. Chuir an bheirt seo, Peadar Dubh Ó Dálaigh agus Síomón Ó Macaoín, spéis in aistriúcháin go mór, agus is dócha gur thiontaigh siad beirt saothair ó theangacha eile go Gaeilge—‘Banais Belphegor’ a mheastar gurbh é Síomón Ó Macaoín a scríobh an leagan Gaeilge di (Ó Mórdha 1959; Hollo 2008); agus bhí giota beag den *Iliad* i gcnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh a thiontaigh Peadar Dubh Ó Dálaigh go Gaeilge, saothar atá cailte anois. Is maith a réitíonn an cineál seo oibre leis na téacsanna a bhí á n-aistriú ag scríobhaí **A<sup>r</sup>**, agus is doiligh smaoineamh ar dhaoine ar bith eile sa Tuaisceart a bhí beo sa dara leath den 18ú hAois agus i mbun aistriúcháin den sórt seo a sholáthar do phobal na Gaeilge, seachas aon duine amháin eile. I mbriathra eile, tá a fhios againn go raibh scríobhaí

---

<sup>3639</sup> Féach an liosta lámhscríbhinní ag tús an chuntais seo.

**B<sup>r</sup>** ina bhall den ghrúpa scríobhaithe seo, agus is iomaí cosúlacht atá ann idir a gcuid saothar agus aistriúcháin scríobhaí **A<sup>r</sup>**.

An t-aon duine amháin eile a bhí i dtrácht agam thuas, is é an tOll. Pól Ó Briain é, toisc go ndeirtear—mar a thug Sharpe (2017a: 195) chun cuimhne le déanaí—i mbeathaisnéis a cuireadh le chéile nuair a bhí sé ina Ollamh le Gaeilge i Maigh Nuad, gur chaith sé roinnt ama le linn a óige ag aistriú téacsanna clasaiceacha go Gaeilge, agus go raibh áit lárnach ag na clasaicí san oiliúint a fuair sé sula ndeachaigh sé le sagartacht.<sup>3640</sup> Níl na haistriúcháin ar fáil anois, agus ní féidir a dheimhniú go raibh ceangal dlúth aige leis an ngrúpa thuas, cé go ndeirtear sa bheathaisnéis chéanna go ndeachaigh sé, mar a chonaic muid cheana i gCaib. 2.114, ar thuras trí na Garbhchríocha agus trí Oileán Mhanann timpeall na bliana 1780 le ‘Mr. Plunket’ éigin. Ba é Risteard Pluincéad é an ‘Mr. Plunket’ sin, dar le hÉnri Ó Muirgheasa (1933: 166 *n.7*; 2015: 315 *n.40*),<sup>3641</sup> tharla gur chum Risteard Pluincéad éigin dán ar Phól Ó Briain, ‘Pól Ó Briain agus an Chailleach Oíche’ nuair a bhí Pól fós ag teagasc i gCúl an Bhile, Co. Ard Mhacha.<sup>3642</sup>

---

<sup>3640</sup> Tá coimriú ar an mbeathaisnéis seo, Anon. (1810), in Ó Muirgheasa (1933; 2015). Féach, ach go háirithe, Ó Muirgheasa (1933: 166; 2015: 315-16).

<sup>3641</sup> Thuairimigh Énri Ó Muirgheasa (1933: 68; 2015: 285) gurbh é scríobhaí CM L7(1-2) a bhí i dtrácht anseo, ach ní féidir, le bheith cothromach dó, go raibh a fhios aige faoi na deacrachtaí a pléadh anseo. Féach nóta 2031.

<sup>3642</sup> Féach, mar shampla, a dtugtar in Ó Muirgheasa (1933: 68; 2015: 284-5), nóta a scríobh Peadar Ó Gealacáin in DE Gen. 43D, lch 602. Is é an scéal a aithristear ann, gur chara le Pól Ó Briain a chum an dán, ach thuairimigh Peadar Ó Gealacáin gurbh é Pól Ó Briain é féin a scríobh an píosa: ‘... in my opinion it was Mr. O’Brien himself who composed it’, ach tá ceartú aige air sin i nóta eile a chuir sé isteach faoi theideal an dáin: ‘This song has been composed by Rich<sup>d</sup> Plunkett, an acquaintance of his’, DE Gen. 43D, lch 603. Caithfidh sé gur cumadh an dán idir 1780, abraimís, agus 1801, an bhliain a ndeachaigh Pól Ó Briain go Maigh Nuad le dul le sagartacht, agus tá a fhios againn go raibh aithne aige ar Risteard Pluincéad éigin—ní fios cé acu **A<sup>r</sup>** nó **B<sup>r</sup>** é go dtí an Luan deiridh—chomh luath le c.1780. Mar gheall ar an gceangal atá ag Pól Ó Briain leis an scéal, scoláire a chaith tréimhse ag teagasc i gCúl an Bhile, Co. Ard Mhacha—más fíor do nóta Pheadair dá ndearnadh tagairt cheana—is spéisiúil an rud é go bhfuil amhráin in OÉG H9 dar teideal ‘The Battle of Lis na cCead fought on July the [?] 9<sup>th</sup>] the year of our Lord 1789’ (lgh 97-8), agus ‘A new song ... composed by the Reverend Father [?] O’Leery] County Armagh, parrish of [Magheralin .i. Machaire Lainne]’ (lgh 99-100). Tá Lios na gCéad suite ar an teorainn idir Co. an Dúin agus Co. Ard Mhacha. Is i láimh an scríobhaí, Peadar Ó Maoil Chéile, atá siad go deimhin, ach is beag nach cinnte gur scríobhadh OÉG H9 i gCo. na Mí.



Bhí aithne ag duine acu ar Mhuiris Ó Gormáin, más fíor gur dhuine acu an Dick Plunkett a thug leabhar ar iasacht dó thart ar an mbliain 1772.<sup>3643</sup> Féach fosta an síniú atá ar chóip de *Suim Athghar an Teagasg Criosduighe*<sup>3644</sup> na bliana 1784—a bhí ar díol san Uaimh i gCo. na Mí—‘Richard Plunket’ éigin ó ‘Dunderry bridge chapel school’. Cibé acu is ionann **A<sup>r</sup>** agus **B<sup>r</sup>** nó nach ionann, is soiléir go mbaineadh sé / go mbainidís le grúpa scoláirí ceannródaitheacha, mar a deir Sharpe faoi Ristead **A<sup>r</sup>**,

His readiness to use the printing press in 1791 puts him in the vanguard of modern printing in Irish. Someone who published Old Irish verse with a modern Irish paraphrase, who visited Scotland in search of fiannaigheacht in the 1780s, and who translated the New Testament into Irish was a real innovator. He should command our attention as a forward-looking scholar on the cusp between the vernacular tradition in Co. Meath and modern interests and ideas.<sup>3645</sup>

## 2.227 James Smyth

**ARÉ 12E25 (908).** Blogh di.<sup>3646</sup> Dánfhocal.

Níl d’eolas againn ar an scríobhaí seo ach gur chuir sé rann leis an gcuid de ARÉ 12E25 (908) a scríobh Séamus Mac an Ultaigh (*q.v.*) sa bhliain 1772. Is dóigh gur bhain James é féin leis an 18ú hAois, ar an bpeannaireacht. Bhí an lámhscríbhinn fós i gcnuasach Shéamuis Mhic an Ultaigh sa bhliain 1782, agus bhí sí á léamh ag

<sup>3643</sup> Catalóg Mhuiris Uí Ghormáin, 1772, mír 27—‘A 4<sup>to</sup> bound in vellum which I borrowed of Dick Plunkett, all in verse’, LN G664; féach Sharpe (2017a: 197). Rinne T. F. O’Rahilly an leabhar a cheangal le ARÉ 23D14 (1), *R.I.A. Cat.*, 1, ach thaispeáin Sharpe (2013: 115-16; 2017a: 197, 203 n.24) nach éasca a bheith go hiomlán cinnte faoi sin, cé gur féidir gurb í an lámhscríbhinn a bhí i gceist ag Mhuiris Ó Gormáin.

<sup>3644</sup> Leabharlann na Breataine, BL 3505.a.9.(2.), áit a bhfuil scríofa ar bharr lch 3: ‘Richard Plunket of Dunderry bridge chapel school’. Fuarthas an t-eolas seo i g*Clóliosta* Sharpe agus Hoyne. Luaitear an chóip in Tynan (1974: 661): ‘But we are more fortunate in having an Irish translation so early as 1784, the *Suim Athghar an Teagasg Criosduighe*, “printed by J. Boyce, Bookseller, No. 29 Merchant’s Quay, near Bridge Street, and sold by Miss Everard of Navan.” There is a photostat copy of the *Suim* in the National Library and an original (or so I think) in the British Museum, the B.M. copy made all the more exciting by the owner having scrawled his name on one of the pages, “Richard Plunket of Dunderrybridge Chapel School.” ... The Irish version must have had its origins in Meath ...’ Ní hionann sin agus a rá gur aistrigh Ristead an t*Suim Athghar* go Gaeilge.

<sup>3645</sup> Sharpe (2017a: 198).

<sup>3646</sup> Chuir sé dánfhocal le lch 1.

Nicholas Andrews thart faoin 6 Bealtaine 1788, agus ag Peter Andrews ar an 20 Aibreán 1789.<sup>3647</sup>

## 2.228. Owen Smyth,<sup>3648</sup> 1842-1917

**COFLA MF12.** Sleachta fada as graiméar William Neilson, *An Introduction to the Irish Language*. Iúr Chinn Trá, An Dún 1868.

Tugadh cuntas mionsonraithe ar an duine seo féin in Russell (2016), ar duine muinteartha leis an scríobhaí é. Mar gheall ar fheabhas an chuntais sin, agus ós rud é nár scríobh Owen Smyth mórán ábhar Gaeilge, sa dóigh gur mar iarshealbhóir LN G809 is mó atá iomrá air, ní thugtar ach creatlach a bheathaisnéise anseo.

Baisteadh Owen Smyth i bparóiste na hOibre, Co. na Mí, ar an 11 Eanáir 1842.<sup>3649</sup> Mac le Philip Smyth ó Bhriotás agus Fanny Russell a bhí ann, agus bhí Fanny tar éis iompú ó Eaglais na hÉireann le bheith ina Caitliceach tamall gairid sular phós sí athair Owen, Philip Smyth, ar an 20 Eanáir 1841.<sup>3650</sup> Iníon le John Russell agus Elizabeth ——— a bhí in Fanny, a tháinig ar an saol c.1816, agus d'iompaigh a tuismitheoirí agus baill eile dá muintir ina gCaitlicigh idir 1841 agus 1854 (Russell 2016: 164-5). I ndiaidh do Owen teacht ar an saol, d'aistrigh an teaghlach go \*hAireagal [Argil],<sup>3651</sup> agus rugadh triúr eile dá mháthair, John Smyth (1843–),

---

<sup>3647</sup> Shínigh Séamus Mac an Ultaigh Ich 127 ar an 26 Meitheamh 1782; féach nóta 1044 ar na dátaí sa lámhscríbhinn. Bhí an lámhscríbhinn á léamh ag Nicholas Andrews, an 6 Bealtaine 1788; Will<sup>m</sup> Andrews; agus Peter Andrews, an 20 Aibreán 1789; féach an cuntas ar Christóir Aindreamha i gCaib. 2.1, nó ARÉ 12E25 (908), lgh 30, 87, 88.

<sup>3648</sup> Baisteanann Énrí Ó Muirgheasa Eoghan Mac Gabhann air i gcúpla áit (féach nóta 3660), ach níl dearbhú againn ar an leagan a d'úsáideadh an scríobhaí féin sa Ghaeilge.

<sup>3649</sup> Féach nóta 3652.

<sup>3650</sup> Thug Russell (2016: 165) mí Feabhra 1841 mar dháta pósta dóibh, agus tá taifead ar an bpósadh i gClár na mBaistí, *Póstaí & Adhlactaí, An Obair*, 1821-66,

'1841. 20 [Eanáir]. Philip Smith to Fanny Russel. P. Tho<sup>s</sup> & Joseph Fitzsimons'.

<sup>3651</sup> Níl leagan deimhnithe Gaeilge ar fáil go fóill.

James Smyth (1845–), agus Mary Anne Smyth (1847-1924).<sup>3652</sup> Ba dhóigh le Russell (2016: 166) go raibh mac eile ag Philip Smyth agus Fanny Russell, Patrick Smyth (1849–),<sup>3653</sup> ach ní féidir liom teacht ar thagairt ar bith dó i gcláir baistí an pharóiste. Adhlacadh fear darbh ainm Philip Smyth ón gCreig i bparóiste na hOibre sa bhliain 1848;<sup>3654</sup> agus diomaite de nach féidir a rá gurbh é athair Owen é, óir ní heol dom go raibh cónaí ar mhuintir Owen Smyth sa Chreig riamh, níl trácht ar bith ar áititheoir darbh ainm Philip Smyth i bparóiste na hOibre i *Luacháil Griffith* (1854). Déantar tagairt sa luacháil sin do bhean darbh ainm Fanny Smyth, áfach, a raibh cónaí uirthi ar mhionghabháltas 13A 1R 17P san Obair, an baile fearainn é féin. Cuireadh luach £11.5.0 ar an talamh agus £1.5.0 ar an teach. Bhí triúr tionóntaí aici fosta: James Brady, Alice Plunkett, agus John Carolan a bhí orthu. Is dóigh gurb í máthair Owen í an Fanny Smith seo, agus go raibh sí ina baintreach an uair sin.<sup>3655</sup> Chuaigh Owen

<sup>3652</sup> Tugadh an t-eolas sin in Russell (2016: 166), ach is fiú é a thabhairt arís. Baineadh na giotaí seo as *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair*, 1821-66,

‘11 [Eanáir 1842]. Brittas. Owen S. Philip & Fanny Smith. Patt Fitzsimons, Ter[...] Blacke’.

‘17 [Lúnasa 1843]. Argil. John S. Philip & Fanny Smith. Sp. Kit Plunkett, Jane Reilly’.

‘Argil. 3 [Márta 1845]. James S. Philip & Fanny Smith. James Connel, Catty Kieran’.

‘Argil. 24 [Márta 1847]. Mary D. Philip & Fanny Smith. Sp. George Plunkett, Elin Russel’.

Féach nóta 3653.

<sup>3653</sup> Tagraíonn Russell (2016: 166) do mhac eile, Patrick Smyth, a rugadh sa bhliain 1849, ach níl mé in ann teacht ar thagairt ar bith dó i gcláir an pharóiste. Ós rud é go bhfuil páirt ag an údar sin le Owen Smyth, is féidir go bhfuair sé an t-eolas seo ó dhuine dá mhuintir féin, ach tá an chuma ar an scéal go bhfuair sé an chuid is mó den eolas a bhí aige i dtaobh dheartháireacha eile Owen ó na taifid riaracháin, rud nach ábhar iontais nuair a chuirtear san áireamh gur saolaíodh iad uilig thart faoi aimsir an Ghorta Mhóir. Tá an t-eolas uilig a thugtar i dtaobh Owen Smyth é féin, agus a dheirféar, Mary Anne Smyth, in Russell (2016) beacht agus de réir a chéile, agus is fíor don údar nár tugadh a cheart do Owen Smyth go fóill mar dhíograiseoir Gaeilge agus mar scoláire áitiúil.

<sup>3654</sup> Féach *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair*, 1821-66,

‘28 [Márta 1848]. Philip Smith died at Cregg b<sup>d</sup> in Nobber’.

<sup>3655</sup> Rinne Russell (2016: 165-6) léamh eile ar fad ar an scéal. Fuair sé tagairt do dhuine darbh ainm Frances Smyth ó Blackfort, An Obair, a adhlacadh i bparóiste na hOibre ar an 1 Nollaig 1849, agus tuairimíonn sé gurb í máthair Owen í, agus gur cailleadh í tamall gairid i ndiaidh di saol a thabhairt don pháiste deiridh, nó gur scuab galar éigin í leis le linn an Ghorta Mhóir.

Is dóigh go bhfuair sé an t-eolas sin ó thras-scríobh éigin de *Chlár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Obair*, 1821-66, a chuir síos ainm an duine sin go contráilte, óir is dóigh liom (i ndiaidh dom na mionscannáin den chlár é féin atá sa Leabharlann Náisiúnta a scrúdú) gur cheart *Francis* Smith a léamh in ionad *Frances*.

De bhreis ar an méid sin, tá teastas báis (*OAC*, Cláruimhir: 3828261) ann a thaispeánann gur cailleadh Fanny Smith, baintreach scolóige, 76 bliana d’aois, san Obair ar an 6 Aibreán 1892. Ba ghnách don chláráitheoir áitiúil, de réir na dteastas báis eile a chláraigh sé thart faoin am sin, gan taifead cruinn a dhéanamh ar an bpáirt a bhí ag an bhfaisnéiseoir leis an té a fuair bás. Ba é ‘Owen Smith’ a chláraigh teastas báis Fanny Smith ar an 20 Aibreán 1892, agus ní thugtar ach ‘Owen Smith, occupier, Nobber’

isteach sa Royal Irish Constabulary ar an 22 Meán Fómhair 1863, in aois a 21 bhliain, agus cuireadh chuig Co. an Dúin é i mí Eanáir 1864. Dar le Russell (2016: 167), a scrúdaigh taifid an R.I.C., dúradh ar an rolla go raibh sé ina oibrí, agus 5' 10<sup>3</sup>/<sub>4</sub>" in airde nuair a chuir sé a ainm leis an bhfoirm iarratais.

Bhí sé socraithe in Iúr Chinn Trá nuair a thug S.C. O'Hare cóip de *An Introduction to the Irish Language* (1808) an Oir. Uilliam Mac Néill dó, as ar scríobh sé neart sleachta agus nóta beathaisnéise ar an údar, '... I believe he was a County Down man ...', ar an 11 Bealtaine 1868. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, ar an 29 Bealtaine 1870, scoilteadh a chloigeann i gcíréib a tharla ar Bhóthar Ráth Frileann, Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin (Russell 2016: 167-8), sa dóigh gurbh éigean dó dul amach ar an bpinsean, dealraíonn sé, ar an 1 Samhain 1871. D'fhill sé ar Cho. na Mí, mar ar chuir sé spéis i gcúrsaí seandachta agus sa Ghaeilge go nua. Rinneadh ball den Antiquarian Society of Ireland de in 1887; agus bhí sé nasctha leis an Association for the Preservation of the Memorials of the Dead of Ireland, chuig ar sheol sé sonraí maidir le leaca uaigne in 1892. Bhí sé i dteagmháil leis an Oir. Charles Graves maidir le hinscríbhinní oghaim a fuair sé féin sa bhliain 1889 (Russell 2016: 173-5, 182-92). Thug sé cóip de *Man's Final End* (1824) Mhíchíl Uí Chléirigh (*q.v.*) do John McCall in 1896 le cuidiú leis. Tugtar buíochas do 'my friend, Mr. Owen Smith, Nobber' san alt sin inar thug John McCall greadadh do Mhícheál Ó Cléirigh, agus inar cuireadh ina leith gur fhostaigh sé James Martin mar chúlscribhneoir (Mac Gabhann 1996: 84). Fuair máthair Owen, Fanny Smyth, bás ar an 6 Aibreán 1892, agus ba é Owen a thug an t-eolas i dtaobh a báis.<sup>3656</sup> Scológ a bhí in Owen faoin am seo, agus bhí tuairim is

---

air. Diomaite de sin, tá mé sásta gurb eisean an Owen Smyth seo againn, agus go raibh sé ag clárú bhás a mháthar an lá sin. Ní heol dom go raibh duine ar bith eile darbh ainm Fanny Smyth (Smith) ag cur fúithi i bparóiste na hOibre an uair sin.

<sup>3656</sup> Féach nóta 3655.

30 acra aige san ‘Island of Nobber’ agus sa \*Spidéal [Spiddal],<sup>3657</sup> dhá bhaile fearainn i bparóiste na hOibre (Russell 2016: 163). Is doiligh a rá cá mhéad lámhscríbhinn a bhí ag Owen faoin am seo, ná cá mhéad acu a bhí scríofa i nGaeilge, ach is cosúil go raibh cuid mhaith seanleabhar scaipthe thart faoin Obair an uair sin. Ba ó chomharsa bhéal dorais leis a fuair Owen tamall de lámhscríbhinn deiridh Pheadair Uí Ghealacáin sa bhliain 1898, rud a thaispeáin sé do John McCall.<sup>3658</sup> Caithfidh sé go ndearna Owen é féin cóipeanna de na dánta Gaeilge a bhí sa lámhscríbhinn sin dá úsáid féin,<sup>3659</sup> óir léigh Énrí Ó Muirgheasa (1915: 184, 306; 1933: 161; 2015: 311) tríothu agus na dánta á gcur in eagar aige, mar is follas óna chuid nótaí trácht.<sup>3660</sup> Táthar ar an eolas le fada go bhfuair Owen lámhscríbhinn eile ó chnuasach Pheadair, LN G809, le huacht, is dócha, ó Thomas Boylan (*ob.*1905) ó Bhaile Crúis go luath san 20ú hAois, agus lig sé d’Énrí Ó Muirgheasa í a chóipeáil ar an gcoinníoll nár thug sé leis ón Obair í (Ó Muirgheasa 1933: 7-8; 2015: xl),

I first heard of Peadar O Galligan in the year 1903. ... I went to Nobber, Co. Meath, and ... I located one of his MSS. in the possession of Tom Boylan, of Cruisetown, near Nobber. Boylan, who was over 70 years of age, knew Irish well, and could read the manuscript. ... Boylan died shortly afterwards, however, and the MS. passed, by bequest I think, into the hands of Owen Smith, of Nobber. Smith was a man over 60 years, well read in Irish history and Irish archaeology, particularly those of Meath, and was interested in the Irish language, but had not a literary knowledge of it as Boylan had. He

<sup>3657</sup> Níl leagan deimhnithe Gaeilge ar fáil go fóill, ná ní éasca a bheith cinnte gur logainm Gaeilge a bhí ann ó bhunús.

<sup>3658</sup> Féach Ó Casaide (1939: 83). Tá plé ar ábhar na lámhscríbhinne i nóta 2751 thuas. Ós rud é nár éirigh le Peadar í a chur i gcrích, is dóigh gur scríobhadh *c.*1860 í, agus gurbh in an fáth a ndúirt Owen le John McCall gur éag Peadar sa bhliain sin. Níl ann ach tuairim, ar ndóigh, agus is dóigh go bhfuil an lámhscríbhinn cailte faoin am seo.

<sup>3659</sup> Thug Mac Gabhann (2005: 104 *n.*25) agus Russell (2016: 169) an méid sin le fios cheana féin, agus is baolach go bhfuil an chóip seo cailte anois, ach bhí roinnt lámhscríbhinní (Béarla, mar a thuigim) ó chnuasach Owen Smyth i seilbh mhuintir Russell, Feagh, Co. na Mí, go fóill sa bhliain 2016; féach Russell (2016: 171, fig. 4). [Níl leagan oifigiúil Gaeilge den logainm ‘Feagh’ ar fáil go fóill, agus bainim úsáid as an leagan Béarla].

<sup>3660</sup> Tugaim a bhriathra anseo i dtaobh dhánta Shéamuis Uí Theibhlin—

- (1) ‘This poem [= ‘An Bás agus an Cláiríneach’] is made from three copies and three different MSS.:— (1) A MS. copy made by Owen Smyth of Nobber. ...’ (Ó Muirgheasa 1915: 184);
- (2) ‘Fuairéas cóip de seo i dtrí lámhscríbhinn. 1. Ceann a scríobh Eoghan Mac Gabhann, san Obair. ...’ (Ó Muirgheasa 1933: 161; 2015: 311).

allowed me to copy the MS. but while doing so I had to stay in Nobber. He brought me the volume each morning to the hotel, and came and took it home again each evening. “I want to keep it here,” he said, “to show that there was once learning in Nobber.”

They were grand old characters, both Smith and Boylan.

Níor phós Owen riamh, agus d’fhan sé sa bhaile le haire a thabhairt dá dheirfiúr, Mary Anne Smyth, a bhí ar míchumas. In Peeler’s Row san Obair a bhí cónaí orthu nuair a chomhlánaigh sé *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, agus bhí siad sa teach céanna sa bhliain 1911. Cailleadh Owen san Obair de bharr seanaoise ar an 24 Márta 1917, in aois a 75 bliana.<sup>3661</sup> Go gearr i ndiaidh a bháis, d’aimsigh a chol ceathrar, John Russell ó Feagh,<sup>3662</sup> An Mullach, Co. na Mí, LN G809 ina chuid páipéar, agus dhíol sé í ar £2 d’Éamonn Ó Tuathail ar an 18 Bealtaine 1917.<sup>3663</sup> Fuair Mary Anne Smyth, a dheirfiúr, bás ar an 25 Bealtaine 1924.

Níorbh fhada i ndiaidh bhás Owen Smyth a scaipeadh cuid dá lámhscríbhinní Béarla agus Gaeilge, ach tá cuid acu fós i seilbh a mhuintire,<sup>3664</sup> agus cinn eile i leabharlanna. Bheadh mórán eolais le bailiú uathu faoi mheath na Gaeilge agus faoi theacht an Bhéarla ina háit i dtuaisceart Cho. na Mí, dá dtabharfaí faoi ábhar na bpáipéar uilig a liostú.

---

<sup>3661</sup> Deirtear ar an teastas báis go bhfuair Owen Smyth bás san Obair an 24 Márta 1917, in aois a 75 bliana de mheath na seanaoise. Ba é John Russell, ‘who caused the body to be buried’, Feagh, a thug eolas i dtaobh a bháis (*OAC*, Cláruimhir: 5564755) an 27 Márta 1917. Tugtar pláta dá theastas báis in Russell (2016: 179, fig. 7).

Fágadh a chuid tailte agus eile ag John Russell. Féach an sliocht as an *Calendar of Wills and Administrations, Wills & Administrations*, 1917, lch 714. Chuir mé lánstadanna isteach sa sliocht le go mbeadh sé soléite.

SMITH Owen. [358] Administration of the Estate of Owen Smith late of Nobber County Meath Farmer who died 24 March 1917 granted at Dublin to John Russell Farmer. Effects £80.

Tugtar pláta den innéacs é féin in Russell (2016: 180, fig. 8). Cailleadh Mary Anne Smyth, Feagh, deirfiúr Owen, ar an 25 Bealtaine 1924, in aois a 77 mbliana (*OAC*, Cláruimhir: 1975301).

<sup>3662</sup> Níl leagan oifigiúil Gaeilge den logainm ‘Feagh’ ar fáil go fóill, mar a dúradh i nóta 3659.

<sup>3663</sup> Scríobh John Russell, Feagh, An Mullach, Co. na Mí, chuig E. O’Toole ar an 21 Bealtaine 1917, lena chur in iúl dó go bhfuair sé luach na lámhscríbhinne, agus gheall sé dó: ‘If I meet with any others among his effects I will let you have a look at them’, litir atá saite isteach in LN G809, idir lgh 48, 49. Tugtar cóip den litir in Russell (2016: 162, fig. 1).

<sup>3664</sup> Féach nóta 3659 thuas.

ARÉ 23I4 (1198). Cuid di.<sup>3665</sup> Rann agus giota d'amhrán.

Níl ach breacadaíl agus breiseanna i lámhscríbhinní daoine eile againn ó láimh Thomáis Stafford, agus níl sé soiléir gur scríobh sé mórán riamh. Tá lorg a láimhe ar dhá lámhscríbhinn ó Cho. na hIarmhí, ARÉ 23A32 (786) agus ARÉ 23I4 (1198);<sup>3666</sup> agus shínigh sé i gcuid mhaith áiteacha lámhscríbhinn eile ó Cho. na Mí,<sup>3667</sup> OÉG H9. Tugann sé 'County of Meath' mar ionad cónaithe dó féin sa lámhscríbhinn sin,<sup>3668</sup> agus is féidir gurbh eisean a scríobh an dáta 'March 1816' uirthi áit amháin fosta. Cibé rud é, is dóigh gur mhair sé sna blianta luatha den 19ú hAois. Dhá cheann de na trí lámhscríbhinn seo, ARÉ 23A32 (786) agus OÉG H9, is ábhar spéise go ndearna Peadar Dubh Ó Dálaigh (*q.v.*) ceartúcháin orthu, agus gur dheisigh sé OÉG H9, tar éis di a bheith i gcnuasach Thomáis Stafford, is dóigh.<sup>3669</sup>

<sup>3665</sup> Tá mé sásta gur scríobh Tomás Stafford na dánta breise ar lgh 37, 82, ós rud é go bhfuil sé freagrach as formhór na breacadaíola sa lámhscríbhinn seo, agus gur scríobh sé a ainm in aice le ceann de na giotáí seo. Féach fosta an *R.I.A. Cat.*, 3242, agus Ó Máille (1916: 305).

<sup>3666</sup> Scríobh Uilliam Ó Fearghail ARÉ 23I4 (1198), agus Peadar Ó Ruadháin ARÉ 23A32 (786). Grafadh iad san 18ú hAois. Féach Caib. 2.165, 2.214.

<sup>3667</sup> OÉG H9. Féach na cuntais ar Michael Carolan, Peadar Dubh Ó Dálaigh, Peadar Ó Maoil Chéile, agus Risteard Pluincéad [2], i gCaib. 2.7, 2.145, 2.191, 2.226.

<sup>3668</sup> OÉG H9, lgh 112, 140. Tugtar cuid de na nótaí a scríobh Tomás Stafford in OÉG H9 i nóta 3314.

<sup>3669</sup> Ó tharla gur scríobh Tomás Stafford a ainm ar fud na lámhscríbhinn OÉG H9, is ábhar spéise nach bhfuil a ainm le léamh ar na leathanaigh bhreise (lgh 51-67) a chuir Peadar Dubh Ó Dálaigh léi. Is féidir go bhfuil sé le tuiscint as an méid sin gur chuir Peadar Dubh Ó Dálaigh na breiseanna seo le OÉG H9 am éigin tar éis di a bheith i gcnuasach Thomáis Stafford. Ar an drochuair, ní féidir dáta a chur le cuid oibre Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh, ach bhí sé ag obair ar lámhscríbhinní eile idir na blianta 1806 agus 1844. Bheadh tuairim agam go raibh OÉG H9 i gcnuasach lámhscríbhinní Thomáis Stafford am éigin idir 1793 agus c.1850, sa chéad cheathrú den 19ú hAois, is dóigh. Féach nóta 3314, áit a dtugtar beagán eolais faoi léitheoirí OÉG H9. Luadh sa chuntas ar Pheadar Ó Ruadháin i gCaib. 2.214 thuas go bhfuil an dáta 1776 inléite ar ARÉ 23A32 (786) áit amháin, taobh le colafon Pheadair Uí Ruadháin agus le nóta ó láimh Thomáis Stafford. Ní dóigh liom gurbh é Tomás Stafford a chuir an dáta sin le ARÉ 23A32 (786).

## 2.230. L. T[uibear]

**ARÉ 23M46 (147).** Blogh di.<sup>3670</sup> Blogh d’amhrán, dánta, búrdúin agus dánfhocail, ‘Turas Locha Deirg’, [‘Goid Fhinn agus Dhubháin’], urnaí, [‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’].

Lena inisil amháin, ‘L. T.’, a shínigh an duine seo a ainm le ARÉ 23M46 (147), mar a dhéanadh Risteard Tuibear<sup>3671</sup> go minic; agus ó tharla gur scríobh Risteard ábhar sa lámhscríbhinn chéanna, agus go réitíonn peannaireacht ‘L. T.’ go dlúth le stíl pheannaireachta Risteard, is dóigh gur ghraf siad an chuid is mó den lámhscríbhinn bheag seo i bpáirt lena chéile, agus go raibh páirt acu beirt lena chéile. Rugadh mac le Risteard Tuibear, Labhrás Tuibear, ar an 4 Lúnasa 1728,<sup>3672</sup> ach ní gá gurb é an duine céanna é.

---

<sup>3670</sup> Leanaim a ndúradh san *R.I.A. Cat.*, 412-13: (1) gur ghraf ‘L. T.’ lgh 1-7, 24-30; (2) gur ghraf Risteard Tuibear lgh 8-23; agus (3) gur chóipeáil Risteard Tuibear rann a scríobh L. T. ar lch 24 arís ar an leathanach céanna.

<sup>3671</sup> Féach go bhfuil ‘R. T.’ scríofa aige i gcúpla áit, m.sh., LB Eg. 190, f. 23, srl.

<sup>3672</sup> Féach nóta 3716 thíos.



ARÉ 23L32 (111).<sup>3675</sup> ‘Parliament Chloinne Tomáis (An Dara Leabhar),’

altú magúil, aoir ar Chathal (*al.* Séarlas) Ó Luinín, dánta le Cú Chonnacht Ó

<sup>3673</sup> B’fhearr leis an litriú ‘Riosdard’ i gcás a chéadainm, agus thuigfí ó chuid de na colafoin gur mar ‘Tuibéar’ a deireadh sé a shloinne, ach téim leis an leagan a bhfuil glacadh leis le fada an lá anois, óir ní dócha go nglacfaí le rud ar bith eile anseo.

Ba cheart cúpla lámhscríbhinn a leagtar air, ach a d’fhág mé ar lár sa liosta lámhscríbhinní, a phlé anseo. Maidir le LN G447, lgh 1-4, a leagadh ar Ristead Tuibear san *N.L.I. Cat.*, x, 24, féach nóta 1841. Níor chuir mé san áireamh LN G674, cé gur chreid Nessa Ní Shéaghdha, *N.L.I. Cat.*, xii, 84, gur scríobh Ristead í, óir ní dóigh liom é. Is nós amháin de chuid scríobhaí LN G674 go scríobhann sé *-icc < -igh*, agus ní dhéanadh Ristead Tuibear seo, de réir a bhfaca mé dá shaothar; ní hionann an pheannaireacht i LN G674 agus an stíl a fheictear i lámhscríbhinní Risteaird. Déarfainn gur lámhscríbhinn Mhuimhneach í a grafadh san 18ú hAois. Leagtar ARÉ 3B29 (663), seanchóip lámhscríofa de *Parrthas an Anna* ar Ristead Tuibear san *R.I.A. Cat.*, 2049, ach ní dóigh liom gur scríobh sé í.

Dúirt Mhág Craith (1980: 127, 136, 149, 193, 242) in áiteacha éagsúla gur ghráf ‘Phelem Ó Doailén’ [= Feidhlim Ó Dobhailín] agus Ristead Tuibear COBÁC C5, ach tá mé suite de nár scríobh Ristead Tuibear oiread agus leathanach den lámhscríbhinn seo; is é is dóichí, dar liom, gur scríobh Séamus Bacach Mhag Uidhir í (féach nóta 1933 thuas).

Scríobh Ristead nóta tagartha in LN G125, lch 29, lámhscríbhinn a ghráf Seon Mhac Solaidh, ach ní féidir a rá gur ‘scríobh’ sé cuid den lámhscríbhinn ar an mbonn sin amháin. Ní áirítear LN G125 anseo, ar an ábhar sin.

<sup>3674</sup> Tá an dáta báis sin, 1730, a tugadh i gcúpla alt le déanaí, mícheart. Bhí Ristead beo sa bhliain 1736, go deimhin, agus is féidir linn glacadh leis an tagairt a dhéanann Edward O’Reilly do lámhscríbhinn (mír 161 ina chnuasach féin) a scríobh Ristead sa bhliain 1742. Bhí Richard Tipper éigin ina bheatha i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1747 (féach nóta 3768 thíos).

<sup>3675</sup> Bhí Mary E. Byrne, *R.I.A. Cat.*, 330-1, in amhras gurbh é Ristead Tuibear a ghráf an lámhscríbhinn uilig. Na difríochtaí stíle atá le sonrú ar lámhscríbhinní Risteaird Tuibear ó thús go deireadh a shaoil is cionsocair le cuid de na deacrachtaí a bhí ag lucht scríofa na gcatalóg lena láimh a aithint ar chuid dá shaothair. Ní eile, ba nós dá chuid leathanaigh bhreise a chur lena chuid leabhar i bhfad tar éis a scríofa, agus is cosúil nach bhfuil i gcuid mhaith de na ‘lámhscríbhinní’ atá againn uaidh ach bloghanna de sheanlámhscríbhinní agus leathanaigh scaoilte óna láimh a ceanglaíodh le chéile tar éis a bháis. Áitíodh sa chuntas a tugadh ar ARÉ 23L32 (111) san *R.I.A. Cat.*, 330-1, gur féidir gur ghráf duine eile lgh 41-7, 52:

Scribe (to the end of p. 40 & pp. 48–51), Richard Tipper, ... From pp. 41 to 47 and also on p. 52 there seems to be a different scribe.

Is dóigh liom gur i bpeannaireacht Risteaird Tuibear atá an lámhscríbhinn uilig, ach gur grafadh lgh 41-7, 52, i bhfad i ndiaidh na gcodanna eile den lámhscríbhinn. Mheabhródh peannaireacht lgh 41-7, 52, dúinn an stíl atá sa chuid de ARÉ 23D9 (148) a grafadh sa bhliain 1728. Féach fosta an cuntas a thugtar ar ARÉ 23I1 (126) san *R.I.A. Cat.*, 373:

Scribe does not sign his name, but writing is that of Richard Tipper ... Part of the script on pp. 35–52 seems in a more sloping and somewhat different hand. This unidentified script, which is found also in the Tipper MSS. 23L32 (111, *supra*) and 23D1, may be in the handwriting of Tipper himself at some other period of his life.

Ceapaim arís gurbh é Ristead a ghráf lgh 35-52, agus tá stíl pheannaireachta na leathanach seo luaineach fosta: tá sliocht na haoise ar láimh Risteaird ar lgh 35-42, 47-52, ach níl ach an oiread is lú de dhifear idir lgh 43-6 agus na codanna eile den lámhscríbhinn. Ó tharla go bhfuil aon téacs amháin scríofa ar lgh 35-85, agus go bhfuil cuid mhaith de na leathanaigh as riocht (féach an *R.I.A. Cat.*, 374), is cosúil gur duilleoga iad lgh 35-42, 47-52, a d’athscríobh Ristead tar éis dó an chuid eile a ghráfadh, agus gur cuireadh na leathanaigh eile as riocht nuair a rinne sé sin. Luadh sa sliocht as an *R.I.A. Cat.*, 373, thuas go bhfuil cuid de ARÉ 23D1 (501) sa láimh ‘anaithnid’ seo atá in ARÉ 23L32 (111) agus ARÉ 23I1 (126). Is amhlaidh an scéal i gcás ARÉ 23D1 (501), dar liom, agus dar leis an té a scríobh cuntas catalóige ar ARÉ 23D1 (501) san *R.I.A. Cat.*, 1447, óir ní dhéantar dealú ann idir stíleanna áirithe peannaireachta sa lámhscríbhinn. Leagtar an lámhscríbhinn uilig ar Ristead Tuibear sa chatalóg, mar a dhéanaim féin anseo.

Cléirigh, Seán Ó Neachtain, Cathal Ó hEisleanáin, Séathrún Céitinn, Tomás Ó Con Duibh, Aodh Buidhe Mac Cruitín, [Riocard de Búrc], Fearghal Óg Mac an Bhaird, [Diarmaid Ruadh Ó Muireadhaigh], feartlaoi bhréige i mBéarla, ‘Laoi Uaithne an Rátha’, dán cráifeach, tairngreachtaí. Baile Mhistéil, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 1716.<sup>3676</sup>

**ARÉ 23L33 (112).** Cuid di.<sup>3677</sup> ‘Beatha Bhrighde’, cuid de ‘Smaointe Beatha Chríost’.

---

<sup>3676</sup> Tugtar an dáta 1717 ar ghearrthóg ón gcatalóg a cuireadh le chéile le haghaidh cheant leabhar Edward O’Reilly (1830), gearrthóg atá greamaithe den taobh istigh den chlúdach tosaigh, ach theip orm an dáta sin a aimsiú i gcorp na lámhscríbhíne. Tugtar an 25 Nollaig 1716 sa cholafon a scríobh Risteard ar lch 16. Féach fosta an *R.I.A. Cat.*, 330-1.

<sup>3677</sup> Bunaíodh an dáta, 1710, a thugtar i gcatalóg cheant O’Reilly—a bhfuil gearrthóg aisti greamaithe den taobh istigh de chlúdach na lámhscríbhíne, *R.I.A. Cat.*, 333—ar léamh gasta a rinneadh ar a bhfuil i gcatalóg lámhscríofa Edward O’Reilly, ARÉ 23H1 (1287).

Maidir leis na lámha éagsúla atá sa leabhar seo, féach an *R.I.A. Cat.*, 333, áit a ndeirtear gur scríobh Risteard lgh 1-54, agus b’fhéidir an chuid eile,

Scribe (pp. 1–54), Richard Tipper ... Though remainder of MS. is in an altogether different script, it is possibly also his when he was copying from a vellum.

Tugtar le fios sa chatalóg chéanna, *R.I.A. Cat.*, 335, gurb é rud atá sa chuid eile den lámhscríbhinn, lgh 55-68, blioganna de na scéalta ‘Toghail Troí’ agus ‘Imtheachta Aeniasa’ a cóipeáladh as *Leabhar Bhaile an Mhóta* le bearnaí in ÓR 12 + ÓR 13 a líonadh.

Tugann de Brún (1972: 30) le fios go raibh ÓR 12 + ÓR 13 i gcnuasach Mhuiris Uí Ghormáin sna blianta 1761 agus 1772, de réir na gcuntas a d’fhág Muiris Ó Gormáin againn ina chatalóga: ARÉ 23H23 (a) (631), mír 7; agus LN G664, mír 15. Bhí 9 nduilleog páipéir istigh le ÓR 12 + ÓR 13 sna blianta sin, agus glacann de Brún (1972: 30) leis, má cailleadh dhá dhuilleog acu, gurb iad lgh 55-68 in ARÉ 23L33 (112) an chuid eile de na duilleoga páipéir seo. Tugtar beagán eolais i dtaobh na gcatalóg seo i nóta 2868; cuireadh sleachta as ARÉ 23H23 (a) (631) i gcló in Ní Mhunghaile (2008; 2010). Fuair Muiris Ó Gormáin a lán de lámhscríbhinní Risteaird Tuibear, agus tugtar le fios in ARÉ 23H23 (a) (631), mír 73, go bhfuair sé ceann acu go díreach ó Risteard Tuibear é féin. Ó tharla gurb é *Leabhar Bhaile an Mhóta* foinse ARÉ 23L33 (112), lgh 55-68, agus go raibh Risteard Tuibear ag cóipeáil codanna den lámhscríbhinn seo idir na blianta 1727 agus 1728 (féach ARÉ 23D9 (148) agus CT H.2.4 (1295)), is maith a théann na nótaí seo uilig leis an argóint go bhféadfadh sé gurbh é Risteard Tuibear a ghráf ARÉ 23L33 (112), lgh 55-68.

Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 333, mar a chonaic muid thuas, gur grafadh ARÉ 23L33 (112), lgh 55-68, ‘in an altogether different script’, agus is é mo thuairim féin, tar éis dom an script seo a scrúdú, nach bhfuil cosúlacht ar bith idir í agus stíl pheannaireachta Risteaird Tuibear. Tuairimítear san *R.I.A. Cat.*, 335, go raibh script ar leith á ceadú ag Risteard anseo toisc go raibh sé ag cóipeáil as lámhscríbhinn mheamraim, is é sin, *Leabhar Bhaile an Mhóta*. Is leor an méid a chóipeáil Risteard ón lámhscríbhinn chéanna, *Leabhar Bhaile an Mhóta*, isteach in ARÉ 23D9 (148) agus in CT H.2.4 (1295) le cur ina aghaidh sin. D’fhéadfaí a áiteamh gur cheadaigh Risteard an stíl seo toisc go raibh na duilleoga a bhí á scríobh aige le cur isteach i lámhscríbhinn mheamraim, ach ní dóigh liom é: más fíor sin, cén fáth ar scríobh sé dhá alt de chuid an *Materia Medica* ina ghnáthscript isteach in LN G11, lgh 16, 18, lámhscríbhinn mheamraim eile? Ní cruthú é seo, ar ndóigh, nárbh é Risteard a scríobh ARÉ 23L33 (112), lgh 55-68, ach fós, is é an freagra is simplí ar an scéal, dar liom, nárbh é Risteard Tuibear a ghráf, agus go bhfuil lgh 1-54 amháin ina lámh.

**ARÉ 23I1 (126).**\*<sup>3678</sup> Laoithe fiannaíochta, dánta le Seán Ó Neachtain, Tadhg Ó Duinnín, Eoghan Ruadh Mac an Bhaird, ‘Comhairle Mhic Clámha’, búrdúin agus dánfhocail.

**ARÉ 23M46 (147).**\* Cuid di.<sup>3679</sup> Amhráin ar Rí Séamus II (VII), ar Rí Seoirse, ar Phrotastúnaigh, srl., dánta le Bearchán, [Séathrún Céitinn], Seán Ó Neachtain, ‘Pléaráca na Ruarcach’, [‘Dán Mhaoise’], dánfhocal.

**ARÉ 23D9 (148).** Búrdúin agus dánfhocail, *distichia*, ginealaigh, ‘Seanchus Ríogh Éireann’, dánta le Giolla Chaoimhghin Ó Cuirnín, Giolla Modhubhda Ó Caiside, Aonghus Céile Dé, ginealach Don Philippe IV na Spáinne, ‘Geinealach Phádraig’, ‘Ginealaigh na Naomh nÉireannach’, sliocht as naomhsheanchas agus sleachta eile as *Leabhar Bhaile an Mhóta*, dánta molta agus ginealaigh Chlann Anluain, ginealaigh eile, dán cráifeach le Risteard Buitléar, trácht ar an gCros Naofa, liodán, [‘Saoghal Íosa’], seanráite Fhithil, féilire na Naomh. 1714, 1728.<sup>3680</sup>

**ARÉ 23I9 (149).** Cuid di.<sup>3681</sup> Féilire, dátaí na bhféastaí so-athraithe, 1709-1730, oifigí laethanta na seachtaine, ‘An tSaltair Íosa’, sailm, urnaithe, ‘Riaghail San Proinsias’, ‘Tiomna San Proinsias’, ‘Briathra San Prionsias’, liodán, brollach le saothar cráifeach éigin, nóta ar an modh ar cóir seanmóir a éisteacht. 1716.

---

<sup>3678</sup> Féach nóta 3675.

<sup>3679</sup> Féach nóta 3670.

<sup>3680</sup> Tá struchtúr casta ag an lámhscríbhinn seo, ach ó tharla go bhfuil plé thar a bheith mionsonraithe air seo san *R.I.A. Cat.*, 414-15, ní gá dul níos faide leis anseo, ach amháin an méid atá riachtanach ó thaobh na ndátaí scríofa de. Is féidir smaoinemh ar an lámhscríbhinn seo, go bunúsach, a bheith ina trí aonad ar leith—cé nach beacht sin amach is amach: (1) lgh 1-235, a críochnaíodh ar an 21 Meitheamh 1714; (2) lgh 1a-9a, 236-8, 10a-17a, breiseanna leis an gcéad chuid a bhfuil an dáta 1728 leo áit amháin, agus ina bhfuil ábhar a cóipeáladh as *Leabhar Bhaile an Mhóta*; (3) lgh 239 ar aghaidh, ríomhadh leathanach ar leith uirthi i láimh Risteaird, gan dáta.

<sup>3681</sup> Deirtear san *R.I.A. Cat.*, 423, gur scríobhadh an lámhscríbhinn seo ag Tobar Mhaolóig, Leamhcan, Co. Átha Cliath, ach níl i gceist ar lch 179, an t-aon áit sa lámhscríbhinn a luaitear an log, ach nóta fáin ar logainm. Ní gá a chreidiúint go raibh cónaí ar Risteard ann, óir bhí sé socraithe i mBaile Mhistéil sular ghráf sé an leabhar seo, agus ina dhiaidh sin. Is doiligh a chruthú go raibh cónaí air in áit ar bith eile ach Baile Mhistéil ó 1709 go dtí an bhliain 1728.

**ARÉ 23A40 (150).**\* Blogh di. Dán le Fearghal Óg Mac an Bhaird.

**ARÉ 23D6 (155).**\* Bloghanna di. Ceartúcháin agus rainn bhreise.

**ARÉ 23D5 (156).**\* Cuid di. Dánta le Baothghalach Ruadh Mac Aodhagáin, Toirdhealbhach Ó Briain, Tadhg [mac Dáire] Mhic Bhruaideadha, Tadhg Dall Ó hUiginn, Giolla Chaoimhghin [Ó Cuirnín], Muiris Ó Maoil Chonaire, [Donnchadh Mór Ó Dálaigh], Tadhg Camchosach Ó Dálaigh, Cúán Ua Lothcháin, Cormac mac Cuileannáin, Beacc mac Dé, Colum Cille, [Eochaidh] Ó hEodhasa, Aodh Buidhe [Mac Cruitín], téacs leighis, leigheas na súl, búrdúin agus dánfhocail, liosta naomh, nótaí annála, ‘Cíos Ríogh Caisil i nAllód’, ábhar dinnsheanchais, nóta ar naoi gcoll an fheasa, ‘Tiomna Chormaic mhic Cuileannáin’, nóta ar chearta Rí na hÉireann, nóta ar Aois an Domhain, seanráite, iomann, sleachta as dán Aonghus na nAor.

**ARÉ 23M4 (332).**† Blogh di.<sup>3682</sup> ‘Liodán na Páise’.

**ARÉ 23A39 (366).**\* ‘Beatha Maodhóg’, dánta le Síodhraidh Ó Cuirnín, cuid de ‘Táin Bó Geanainn’, dán.

**ARÉ 24P3(2) (451).** Tráchtas leighis, tábla de chineálacha bia, trácht ar phlástair. Baile Mhistéil, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 1718.

**ARÉ 23D1 (501).**<sup>3683</sup> Búrdún agus dánfhocal, ‘Duan Uí Dhubhagáin’, nóta ar chith cloichshneachta (as LB Add. 30512), dánta agus amhrán, ‘Mac na Míchomhairle’ [= ‘Fuatha Mhic na Míchomhairle’]. 1715.

**ARÉ 23E26 (756).** Cuid di.<sup>3684</sup> ‘Leabhar na nAos’, ‘An Leabhar Muimhneach’, ‘An Leabhar Ultach’, ‘An Leabhar Laighneach agus Connachtach’, ‘Leabhar Gabhála’ (cuid de), ‘Leabhar na gCeart’ (cuid de), ‘Catha Chinéil Eoghain’, ‘Blogh d’Iris Ghearaltach’ le Maoilín Ó Maoil

<sup>3682</sup> Lch 55.

<sup>3683</sup> Féach nóta 3675. Tá a inisil, ‘R. T.’, sa rann ar lch [b], agus an dáta 1715.

<sup>3684</sup> Féach nóta 1826 thuas.

Chonaire, sleachta as annála, sleachta as *Leabhar Bhaile an Mhóta* ar Thúr Babel, ar aimsir Chríost, srl., ‘Udhacht Morainn mhic Maoin’, príomhbhailte, aibhneacha, sléibhte na hÉireann, dánta le hAodh Buidhe Mac Cruitín, Seán Ó Neachtain, nóta ar aois an domhain. Baile Mhistéil, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 1716-19, 1726.

**COBÁC C2.** Leabhar urnaithe, cuid de *Suim Bhunadhasach an Teagaisg Chríostaidhe* Bhonabhentura Uí Eodhasa, dánfhocail, iomainn, dánta cráifeacha, ‘An Dá Aoine Dhéag Órdha’, an *Dies Irae* i nGaeilge, dán leighis [‘Duan Uí Shiadhail’].<sup>3685</sup> [? 1726].<sup>3686</sup>

**COBÁC C15.** Cuid di.<sup>3687</sup> ‘Foras Feasa air Éirinn’ (cuid de). 1711.

**CT H.2.4 (1295).** Sleachta as *Leabhar Bhaile an Mhóta*. 1727-8.

**LB Eg. 106.** Cuid di. ‘Ionnsóige Maighe Léana’, ‘Cath Maighe Mucraimhe’, ‘Cath Chríonna’, ‘Cathughadh Cheallacháin Chaisil’, ‘D’Fhoghlaim Chon gCulainn’, laoithe fiannaíochta, ‘Cath Leitreach Ruighe’, dán, ‘Cogadh Fhearghusa agus Chonchubhair’, ‘Cath Rois na Ríogh for Bóinn’, ginealaigh, ‘Comhrac Fhirdhia agus Chon gCulainn’, dánfhocail,

---

<sup>3685</sup> Ar lgh 229-61 in COBÁC C2, tá dán fada leighis a leanann go measartha maith leagan amach ‘Duan Uí Shiadhail’ mar atá sé in ARÉ 23112 (753), ach tá mórán difríochtaí téacsúla, rainn bhreise, agus eile sa dá chóip. Is dóigh, cibé rud é, gur leagan eile de ‘Duan Uí Shiadhail’ atá ann, agus ní heol dom go bhfuil staidéar ar bith déanta ar an dán sin. Féach nóta 62.

<sup>3686</sup> Tá an dáta seo i nóta a scríobh Risteard ar an taobh istigh de chlúdach tosaigh COBÁC C2 i malairt dúigh, ‘Trocaire ó Dhia go bhfuighe an sgríobhneoir .i. Riosdard Tuibéar 1726’, agus caithfidh sé gur chuir sé sin leis an lámhscríbhinn sin tar éis dó ceangal a chur uirthi. Tá an scríobhneoireacht in áiteacha éagsúla cosúil leis an stíl luath a bhí aige, agus a bhí tar éis athrú faoin mbliain 1713. Féach an cuntas ar a chuid lámhscríbhinní luatha thíos. Na nótaí a chuir sé ar na fordhuilleoga tosaigh faoi bhreitheanna a pháistí, srl., is ina lámh fhorbartha atá siad.

<sup>3687</sup> Rinneadh plé ar dháileadh na lámh in COBÁC C15 sa chatalóg neamhfhoilsithe a scríobh Thomas Connolly, c.1914, ar an méid de lámhscríbhinní Eoghain Uí Chomhraí atá ar coimeád i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Ba é Uilliam Ó Loingsigh a chuir tús leis an lámhscríbhinn sa bhliain 1698, agus scríobh sé an chuid is mó den chéad leabhar de ‘Foras Feasa air Éirinn’, agus an chéad dá leathanach go leith den dara leabhar. Tá 130 leathanach sa chéad leabhar, agus sa dara leabhar tá 64 leathanach. Ba é Risteard Tuibéar a scríobh an chuid eile i mBaile Mhistéil sa bhliain 1711. Tugann sé an dáta 1711 ar dhuilleog a ceanglaíodh isteach sa lámhscríbhinn tar éis an chéad leabhair (an chéad leabhar, lch 131a); agus tugann sé log scríofa ag deireadh an dara leabhair (lch 64). Scríobh Risteard é féin ar an leathanach teidil fosta gur scríobhadh COBÁC C15 dó, ach ó tharla nach féidir a bheith siúrúilte go raibh Risteard ag léamh na Gaeilge chomh fada siar leis an mbliain 1698, níl mé sásta go raibh an ceart aige.

‘Tóraidheacht na Croiche Naomhtha’, ‘Oidhe Chloinne Tuireann’, ‘Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruidhe’, ‘Feis Tighe Chonáin’, ‘Faghail Craoibhe Chormaic’. 1715-18.

**LB Eg. 132.** Formhór di.<sup>3688</sup> ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne agus Deargruathar Chonail Chearnaigh’, ‘Bruidhean Chaorthainn’, búrdúin agus dánfhocail, ‘Eachtra an Mhadra Mhaoil’, ‘Cath Lisín Uí Dhunagáin agus Táin Bó Geanainn’. Baile Mhistéil, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 1712-13.

**LB Eg. 135.\*** Cuid di. Amhráin, cuid acu le Séamus Mac Cuarta, ‘Aisling Fheidhlimidh Mhic Leannáin’, dán, ginealach, cuid de Theagasc Críostaí, cuid de ‘An Cath Cathardha’.

**LB Eg. 139.\*** Cuid di. Giota de dhán agus de ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’.

**LB Eg. 170 (a).** Cuid di. ‘Eachtra Mhacaoimh an Iolair’ (cuid di), ‘Bás an Mhacaoimh Mhóir Mhic Ríogh na hEaspáine’, ‘Eachtra Fhearbhlaidhe Inghean Ríogh Alban agus Chearbhaill Uí Dhálaigh’, autograf, dán. 1724.

**LB Eg. 187.\***<sup>3689</sup> Blogh di. ‘Turas Locha Deirg’, breiseanna.

**LB Eg. 190.** Formhór di.<sup>3690</sup> Trácht ar na Deich nAitheanta, ar an bhFaoistin, ar chaitheamh an Chomaoineach, ar urnaithe, sompladha cráifeacha, scéal an triúir manach, [‘Beatha San Síomóin’, ‘Beatha San Iúdas’, ‘Beatha San Parthalóin’, ‘Beatha San Mairgréad’], ‘An Iomann Phádraig’, ‘Ortha Mhuire’. Baile Mhistéil, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 1709.

**LJR Ir. 22.** Formhór di.<sup>3691</sup> ‘Trí Biorghaoithe an Bháis’. 1710.

---

<sup>3688</sup> An t-iomlán ach f. 76.

<sup>3689</sup> Scríobh Uilliam Ó Loingsigh mórchuid na lámhscríbhíne seo sa bhliain 1686. Maidir leis na breiseanna a chuir Risteard Tuibear léi, féach an *B.M. Cat.*, ii, 19, 21.

<sup>3690</sup> An t-iomlán, mar a deir Flower, *B.M. Cat.*, ii, 585, 587, ach a bhfuil ar ff. 1, 39, agus ceangal an dáin, ‘An Síogaidhe Rómhánach’, a scríobhadh ar f. 37b.

<sup>3691</sup> Féach nóta 3720 thíos.

**LN G11.** † Blogh di.<sup>3692</sup> Breiseanna leis an *Materia Medica*.

**LN G65.** Blogh di.<sup>3693</sup> ‘An Scáthán Spioradálta’ (beagán de). [Dó féin].<sup>3694</sup>

**LN G127.** Formhór di. Búrdúin agus dánfhocail, graiméir, cúpla prosóid, nótaí ar Ogham, dánta le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, Tomás Déis, Eoghan Ó Donnghaile, Eochaidh Ó hEodhasa, Tadhg mac Dáire [Mhic Bhruaideadha], Donnchadh Mór Ó Dálaigh, Muiris de Faoite, Tadhg Ó Cobhthaigh, Tadhg Ó Briain, Pól Mac Aodhagáin, Seán Ó Neachtain, Fearghal Óg Mac an Bhaird, Séathrún Céitinn, Aonghus na Diadhachta Ó Dálaigh, Bonabhentura Ó hEodhasa, Diarmaid Mac an Bhaird, Eoghan Mac an Bhaird, Séamus Mac Cuarta, Brian Ó Ceallaigh, Séamus [Bacach ?] Mhag Uidhir, Colum Cille, Tadhg Ó Neachtain, Cú Chonnacht Mag Uidhir, Oilibhéar Pluincéad, Cathal Ó hEisleanáin, ‘Beatha San Agatha’, ar phianta Ifrinn, ar thíortha an domhain, ‘Cúig Aiste an Dána Dírih’, nóta ar mhac Shéamus II (VII), nóta ar cheol, tairngreacht Bhéarla le Thomas the Rhymer, tairngreacht eile, tairngreacht Naomh Maolmhaodhóg ar na pápaí, blogh den ‘Cesta Grega’, ‘Do Sheacht nIongantaibh Déag an Domhain’, ‘Oidhche Geineadh Chríost’, ‘Comhairle Fhithil dá Mhac’, dánfhocail i mBéarla, Laidin, agus i bhFraincis. 1713-15.

**LN G140.** Blogh di. Búrdúin agus dánfhocail.

**LN G177.** Formhór di.<sup>3695</sup> Ginealaigh, ‘28 Lá Fortúnacha atá san mBliadhain’, ‘Seanchus Gearaltach’ le Torna Ó Maoil Chonaire, aoir le Cairbre, ‘Dán Craobhscaoileadh na mBúrcach’, dán le Muireadhach Ó

---

<sup>3692</sup> Tá na nótaí seo in imill lgh 16, 18.

<sup>3693</sup> Féach nóta 1836 thuas. Ghraf Seon Mhac Solaidh an chuid is mó den lámhscríbhinn suas go dtí lch 425.23, agus tá an dáta 20 Deireadh Fómhair 1724 aige ar lch 205. Is dóigh go raibh a chuid féin den obair déanta ag Seon faoi dheireadh na bliana 1724, ach más fíor sin, ní gá gur chuir Risteard leis an easnamh chomh gasta agus a fuair sé an lámhscríbhinn.

<sup>3694</sup> Féach nóta 1837 thuas, áit a dtugtar beagán eolais i dtaobh LN G65.

<sup>3695</sup> Tagann an t-ábhar atá i láimh Risteaird Tuibear as ARÉ 23M17 (153) bunús uilig, ach amháin a bhfuil ar lgh 39-42, 96, a fuarthas in ARÉ 23M18 (154). Níl an t-ábhar ar lgh 87-9 in ARÉ 23M17 (153) ná ARÉ 23M18 (154).

Dálaigh, ‘Fáth Imreasain Choinn Chéadchathaigh agus Eoghain Mhóir’.

[c.1724].<sup>3696</sup>

**LN G179.\*** Blogh di. Blogh de sheanmóir ar bheatha Chríost.

**LN G361.** Formhór di. ‘Eochairsgiath an Aifrinn’, tráchtas ar na hamanna is fearr síol agus plandaí a chur, liosta de phápaí. 1713.

**LN G982.\***<sup>3697</sup> Rann, dánfhocal, dán le Brian Ó Ceallaigh agus Séamus Mac Cuarta, *Focloir no Sanasan Nua* Mhíchíl Uí Chléirigh. 1713.<sup>3698</sup>

**MN C93 (f).**† Blogh di.<sup>3699</sup> Amhrán.

**MN C112.**† Blogh di.<sup>3700</sup> ‘Scéal an Chraicinn agus don Traoi gona Loingis’: sliocht as *Leabhar Bhaile an Mhóta*. [? c.1727-8].<sup>3701</sup>

Priontáladh cuntais ghearra ar Ristead Tuibear cheana féin in Walsh (1933: 202-3), Piatt (1957: 55-7), Williams (1981: 231-2), Harrison (1988: 38-41, 47, 53, 74, 79, 116), Ní Mhunghaile (2009b), Dillon (2013a: 107-15, 129-30), agus *Beath.* 1560-1781, 183 col. a – 183 col. b, srl. De bhreis ar an méid seo, tá cuntas ar a chuid lámhscríbhinní agus liosta fada díobh i gcló in Dillon (2013a: 129-30),<sup>3702</sup> agus chaith alt le Ní Mhunghaile (2016) ar Sheon Mhac Solaidh solas ar an gceangal láidir a bhí aige le Ristead Tuibear, agus leis an ngrúpa scríobhaithe sin a bhí gníomhach i mBaile Átha Cliath i bhfíorthús na 18ú hAoise. Toisc a ilghnéithí atá a chuid scríbhinní,<sup>3703</sup> ‘a rich and varied written legacy’, mar a deir Dillon (2013a: 107), is

---

<sup>3696</sup> Ní heol dom cá huair a grafadh LN G177 go díreach, ach léiríonn an nóta ‘beo 1724’ a scríobhadh le ginealach Thoirdealbhaigh mhic Dhonnchaidh Uí Lochlainn, LN G177, lch 30 col. b, gur dóigh gur scríobhadh cuid di sa bhliain 1724, nó ina dhiaidh sin. Féach an *N.L.I. Cat.*, v, 26.

<sup>3697</sup> Ó Gallchóir (1971: 77).

<sup>3698</sup> Lch 147.

<sup>3699</sup> Lgh 17-18.

<sup>3700</sup> Ff. 33-4.

<sup>3701</sup> Ar an ábhar gur sliocht as *Leabhar Bhaile an Mhóta* atá i gceist, agus go bhfuil sleachta eile as an lámhscríbhinn sin i bpeannaireacht Ristead in ARÉ 23D9 (148), 1728, agus in CT H.2.4 (1295), 1727-8.

<sup>3702</sup> Áirítear ARÉ 3B29 (663) ar an liosta sin. Maidir leis an lámhscríbhinn seo, féach nóta 3673 thuas.

<sup>3703</sup> Féach go bhfuil sampla dá chuid peannaireachta, nach fada ó pheannaireacht reatha í, sa *B.M. Cat.*, iii, pláta XX.



doiligh a cheart a thabhairt anseo do Risteard Tuibear, agus is dócha go líonfadh cuntas ceart ar a shaothair agus na foinsí a d'úsáid sé na céadta leathanach ar a laghad.

Ní beag an t-iontas é nár fhág scríobhaí a chaith a dhúthracht le seanghinealaigh a shábháil agus iad a thabhairt síos go dtí a linn féin ach dhá ghlúin dá ndeachaigh roimhe ar pháipéar, is é sin Risteard mac Éamoinn<sup>3704</sup> mhic Shíomúin Tuibear;<sup>3705</sup> agus cé nach féidir a bheith cinnte faoina áit bhreithe, is leor a ndúradh faoi in *Sloinnfead scothadh na Gaoidheilge grinn*, dán Thaidhg Uí Neachtain, mar dheimhniú gurbh as Fine Gall dó.<sup>3706</sup> Is féidir go mór gur rugadh Risteard chomh mall le 1685, tharla gur tháinig a chéad pháiste ar an saol sa bhliain 1709.<sup>3707</sup> Is maith an teist a thugann *History of Dublin* (1838) John D'Alton ar chumas an scríobhaí seo, agus thiocfadh dó gurbh é Edward O'Reilly, nó saothar dá chuid, an t-údarás a bhí aige.<sup>3708</sup> Ba iad Risteard Tuibear agus Seon Mhac Solaidh na scríobhaithe ba luaithe, go bhfios dúinn, a chuir rompu dánta Shéamuis Mhic Cuarta<sup>3709</sup> a chur ar phár, mar aon le meascán eile d'fhillíocht Oiriaila, sa dóigh nach

---

<sup>3704</sup> Bhí i Sean-Oifig na dTaifead Poiblí cóip de thiomna Edmond Tipper, báicéir, ó Bhaile Átha Cliath, ar deonafódh probháid air sa bhliain 1715. Níl cóip de ar fáil anois, go bhfios dom.

<sup>3705</sup> LB Eg. 106, f. 60, *B.M. Cat.*, ii, 333; LN G361, lch xiii, *N.L.I. Cat.*, viii, 71.

<sup>3706</sup> Seo an rann ina ndéantar Risteard a mholadh:

Tiobrach ionmhuin ó Fhine Gall,

Roisteard na searc 's na suinneann;

bu béarlach Gaoidhiolgadh gille an ghrinn,

a suin na sean 's a scríbhinn (O'Rahilly 1913a: 159; Harrison 1988: 136).

Féach fosta an nóta seo a scríobh O'Rahilly (1913a: 162) air: 'It is remarkable, as showing how Irish was still spoken almost to the outskirts of Dublin city, to find that such a competent scribe as Risteard Tuibear was a native of Fingal. In 1717 Tuibear resided in 'Baile Mhistéil.' near Mulhuddart, in the parish of Castleknock (23E26, 23L32), and this may have been his birthplace. The inhabitants of the greater part of Fingal were of English extraction, and never acquired Irish,—a fact noted by several writers, including Fr. Peter Talbot in 1658, Sir William Petty in 1672, and Fr. John O'Heyne in 1706'. Gaeilge Thuaisceart Laighean a bhí ag Risteard; tá nótaí ar fhoirmeacha canúna ina chuid lámhscríbhinní in Ó Cuív (1950: 231), agus in Williams (1994: 452, 454-5, 473).

<sup>3707</sup> Féach nóta 3716 thíos.

<sup>3708</sup> Scríobh D'Alton (1838: 560): 'In 1717 lived Richard Tipper of Mitchelstown in this parish [i. Caisleán Cnucha], a transcriber of several Irish works. Many of his copies are extant, and singularly correct'. 'Ba chruinn cúramach an scríobhaí é', dar le Donn S. Piatt (1957: 57).

<sup>3709</sup> Féach an cuntas spéisiúil a thugtar in Dillon (2013a) ar na lámhscríbhinní is sine ina bhfuil dánta le Séamus Mac Cuarta, rud a léiríonn a údarásaí agus atá lámhscríbhinní Sheoin Mhic Sholaidh agus

bhfuil teacht ar dhánta éagsúla ón taobh sin tíre ach ina gcuid lámhscríbhinní féin, taobh le seantéacsanna de gach sórt. Is eol dúinn gur chuir siad an-spéis sna ginealaigh, agus gur fhéach siad lena gcoinneáil chun dáta, chomh fada suas leis an mbliain 1724 in áit amháin. Tháinig Donn Piatt ar an tagairt is luaithe atá againn do Risteard, is é sin, an tagairt a thugtar sa dán ‘Cath Bearna Chroise Brighde’ a chum Seán Ó Neachtain faoi bhruíon a tharla i ndeisceart Cho. Átha Cliath sa bhliain 1705 (Piatt 1957: 57). Ceanglaíonn an dán seo Risteard le Clochrán, atá sa dúiche thart ar Chaisleán Cnucha, an chomharsanacht inar grafadh gach lámhscríbhinn dá chuid a bhfuil log scríofa sonraithe inti, beagnach:

- [209] Tig Risteard Tiobuir ó Chlochrán  
ar each cheannard chrónchraosach;  
budh curata cródha calma  
is budh ceannsa é ’n am mine.
- [210] Roitheann triughadh mar ruathuile  
is ní cumann do snítheadh;  
do *thocht* lucht na bpotáta  
is lucht na gránach an aoinfheacht.
- [211] Tháinig ’na chuideacht go ceolmhar  
an *chlárseach* eolgach ón Ghráinseach,  
an marcach bríoghmhar mear modhbhar,  
Enrigh Ró an ceart cráidhbheach.
- [212] ... Beart siad do ghlōr sochlustach:  
‘Créad an tiubuist so ar Ghaedhluibh?  
Nach lór dhībh na Sasana  
’bhur ngearra is sin gan réidhteach?
- [213] Lēaghmairne ’leabhraibh Gaedhlach’  
(is budh léir dhūinn san aiste)

---

Risteaird Tuibear, ó grafadh iad le linn don fhile a bheith beo. Thug Nessa Ní Shéaghda faoi deara tamall maith ó shin, *N.L.I. Cat.*, iv, 33, go bhfuil dánta le Séamus Mac Cuarta agus le filí eile in LN G127 nach bhfuil fáil orthu áit ar bith eile, agus go bhfuil roinnt cosúlachtaí idir an lámhscríbhinn seo agus ARÉ 23D13 (151). Déantar plé air seo san *N.L.I. Cat.*, iv, 34, agus in Dillon (2013a: 116-18).

gurbh ē easaontadh na ndaoine  
bhús fáth d'incrīs bhur gclanna'.<sup>3710</sup>

Adhlacadh duine de mhuintir Risteaird, Anna Tuibear, i gClochrán fosta.<sup>3711</sup> Cibé acu a bhí traidisiún an léinn ghaelaigh sa chlann nó nach raibh, is dóigh go raibh páirt éigin aige leis an 'Simon Tipper from Cook Street' a scríobh a ainm in imeall lámhscríbhinne<sup>3712</sup> le hUilliam Ó Loingsigh (*fl.* 1686-1706), scríobhaí eile ó Bhaile Átha Cliath a bhí gníomhach go fóill díreach ag tús na 18ú hAoise, agus a bhfuair Risteard beagnach gach lámhscríbhinn leis a tháinig anuas chugainn.<sup>3713</sup> Tuairimíodh cheana go raibh páirt ag Risteard le L. T[uibear] (*q.v.*),<sup>3714</sup> agus gur scríobh an bheirt acu cuid mhaith de ARÉ 23M46 (147) i bpáirt lena chéile. Ní féidir a bheith deimhnitheach faoi dháta a phósta, ná faoi ainm a mhná, fiú, cé gur dóigh go dtugtaí Anna uirthi;<sup>3715</sup> agus dealraíonn sé gur rugadh naonúr páistí dóibh, ar a laghad,<sup>3716</sup> a

---

<sup>3710</sup> Williams (1981: 295-6).

<sup>3711</sup> Féach nóta 3764.

<sup>3712</sup> MN C92 (*b*), lch 5. Déarfainn gur breacadh an nóta sin go luath san 18ú hAois.

<sup>3713</sup> Luann Flower, *B.M. Cat.*, ii, 19, gur tharla na lámhscríbhinní seo de chuid Uilliam Uí Loingsigh—LB Eg. 106, LB Eg. 187, agus LB Eg. 196—i gcuasach Risteaird Tuibear. Is féidir COBÁC C15—an lámhscríbhinn ar scríobh Uilliam Ó Loingsigh a formhór sa bhliain 1698, agus ar chríochnaigh Risteard Tuibear sa bhliain 1711 í, a chur leis an liosta seo. Dúradh cheana i gcorp an chuntais thuas go raibh MN C92 (*b*), lámhscríbhinn eile le hUilliam Ó Loingsigh, idir lámha ag 'Simon Tipper from Cook Street', ach ní fios cérbh é go díreach.

Dhá lámhscríbhinn eile le hUilliam Ó Loingsigh is ea iad ARÉ 23A33 (819), a scríobhadh in 1706; agus CT H.3.16 (1335), a scríobhadh do Edward Lhwyd idir na blianta 1696 agus 1697; féach fosta O'Rahilly (1913a: 158), agus Draak (1946: 3-4, 14-17).

<sup>3714</sup> Féach an cuntas ar L. T[uibear] i gCaib. 2.230 thuas.

<sup>3715</sup> Déantar tagairt di i nóta a chuir Feidhlimhe Mag Fhinneachta le lámhscríbhinn de chuid Risteaird (féach an cuntas ar Fheidhlimhe Mag Fhinneachta i gCaib. 2.68), ach ní thugtar a hainm.

<sup>3716</sup> Tá a ndátaí breithe fite tríd an gcuntas thuas, ach measadh gurbh fhearr iad uilig a thabhairt anseo, ar mhaithe le soiléireacht: Anna (1709), Máire (1711), Margaret (1714), Peadar Buidhe (1717), Catherine (1718), Eilíonóra (1720), Siobhán (1723), Lúsíe (1725), agus Labhrás (1728). Glactar leis go bhfuil na dátaí uilig anseo sa stíl úr (m.sh. gur rugadh Peadar Buidhe ar an 17 Eanáir 1717 N.S.), óir mura bhfuil siad, chiallódh sé sin gur rugadh Peadar Buidhe ar an 17 Eanáir 17<sup>17</sup>/<sub>18</sub>, agus Catherine ar an 18 Bealtaine 1718; dar go deimhin, ba chóra dúinn a bheith ag tarraingt scéal ar bhean Risteaird anseo ina áit dá mb'fhíor sin. Ní deir Risteard i gcónaí gur athair leis iad; is minice a deirtear gur deartháir nó deirfiúr an duine seo acu leis an duine siúd, ach ar dhóigh nach measfaí go bhfuil cúpla clann i gceist anseo. Glacaim leis sa chuntas thuas gurbh iad a pháistí uilig iad, ach tugaim an rud a deir sé go beacht sa lámhscríbhinn sna fonótaí. Ba mhar gheall ar leagan amach na lámhscríbhinne a bhí air iad a thaifeadadh ar leathanaigh éagsúla, agus é ag gabháil do na nótaí breithe a scríobh ag amanna éagsúla. Maidir le dáta na lámhscríbhinne, féach nóta 3686 thuas.

bhfuil cuntas ar a ndátaí breithe in iontrálacha éagsúla a scríobh Risteard ina leabhar urnaithe, COBÁC C2.

Grafadh an iarracht is luaithe atá againn ó lámh Risteard<sup>3717</sup> in 1709, agus cé go gcaithfidh sé go raibh sé measartha óg nuair a bhí sé á scríobh, léiríonn sí dhá rud: go raibh aithne curtha aige ar Thadhg Ó Neachtain, tharla gur chóipeáil sé beathaí naomh isteach inti ar beag nach cinnte gurbh é Tadhg a thiontaigh iad go Gaeilge, *B.M. Cat.*, ii, 329, 585-6; sin agus go raibh sé ag tarraingt ar lámhscríbhinní meamraim chomh luath sin ina shaol. Ba ón lámhscríbhinn seo a fuair Standish Hayes O’Grady (1892a: viii) scéal an triúir manach, ní a chuir sé i gcló sa bhrollach cáiliúil a chuir sé le *Silva Gadelica*.<sup>3718</sup> Rugadh a chéad iníon, Anna Tuibear, sa bhliain chéanna, ar an 18 Márta 1709, i mBaile Mhistéil, is dócha.<sup>3719</sup> Chuir Risteard cóip de ‘Eochairsgiath an Aifrinn’ de in 1710,<sup>3720</sup> agus chríochnaigh sé cóip de ‘Foras Feasa air Éirinn’ an bhliain dár gcionn, 1711, ní a thionscain Uilliam Ó Loingsigh breis agus deich mbliana roimhe sin.<sup>3721</sup> Timpeall an ama seo, tagann Seon Mhac Solaidh (*q.v.*) ar an bhfód den chéad uair, nuair a chóipeáil sé c.1711 cuid de lámhscríbhinn ar son Thaidhg Uí Neachtain, ARÉ 23G8 (785).<sup>3722</sup> Ar an 30 Iúil 1711, rug bean Risteard iníon eile, Máire,<sup>3723</sup> agus chaith sé roinnt ama idir 1712 agus 1713 ag cóipeáil LB Eg. 132, cnuasach luachmhar de scéalta rómánsaíochta agus stairiúla. Tá cóip de ‘Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne’ ina measc atá thar a bheith cosúil leis an gceann a chóipeáil Seon Mhac Solaidh

---

<sup>3717</sup> LB Eg. 190.

<sup>3718</sup> Tá an bhunchóip, atá easnamhach, i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 586.

<sup>3719</sup> COBÁC C2, lch iii. Deirtear gur iníon le Risteard Tuibear í.

<sup>3720</sup> LJR Ir. 22. Tá cuntas ar stair na lámhscríbhinne seo in Sharpe (2017b), agus nóta ar dháileadh na lámh ann.

<sup>3721</sup> COBÁC C15. Féach nótaí 3687, 3713 thuas.

<sup>3722</sup> Féach nóta 1827.

<sup>3723</sup> COBÁC C2, lch iii. Deirtear gur deirfiúr í leis an Anna Tuibear a rugadh sa bhliain 1709.

cúpla bliain ina dhiaidh sin;<sup>3724</sup> agus is soiléir, a fhad is a bhí Risteard ag gabháil do LB Eg. 132 a scríobh, go raibh a chuid peannaireachta i mbun athrú, ón stíl fhoirmeálta a d'úsáideadh sé go dtí sin, go dtí an lámh líofa réchúiseach lena n-aithneofaí é anois. B'fhéidir go raibh stíl Thaidhg Uí Neachtain ag dul i dtionchar ar ar chóipeáil sé, óir bhí an bheirt acu mór lena chéile ón am seo ar aghaidh. Thosaigh Risteard ansin a scríobh graiméir agus prosóide ar an 14 Eanáir 1713, ábhar a tháinig—go díreach nó go hindíreach—ó lámhscríbhinn le Tadhg Óg Ó hUiginn, agus chuir sé an tráchtas seo, a líon 94 leathanach, i gcrích coicís ina dhiaidh sin, ar an 27 Eanáir 1713.<sup>3725</sup> Ón am seo amach, tá an-chuid cosúlachtaí ábhair idir lámhscríbhinní Risteaird Tuibear agus Sheoin Mhic Sholaidh, agus chaith Risteard neart den bhliain sin, 1713, ag babhtáil ó lámhscríbhinn go chéile: LN G361, cóip dheas-scríofa de 'Eochairsgiath an Aifrinn' Shéathrúin Céitinn, lenar chuir sé réamhrá spéisiúil faoi scríosadh na lámhscríbhinní agus eile; LN G982, cnuasach beag filíochta, agus na cóipeanna is luaithe de dhánta Shéamuis Mhic Cuarta istigh ann; agus d'fhill sé ar LN G127, an cnuasach tábhachtach dánta úd a bhfuil cuid acu le fáil i lámhscríbhinní Sheoin Mhic Sholaidh—taobh le cóip de 'Beatha San Agatha' a scríobhadh isteach inti in 1714,<sup>3726</sup> beatha a thiontaigh Seán Ó Neachtain go

<sup>3724</sup> Thug Ní Mhaoláin (2008: 30 n.39, 57) faoi deara go n-aontaíonn na cóipeanna de 'Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne' a scríobh Risteard Tuibear (LB Eg. 132) agus Seon Mhac Solaidh (ARÉ 23K37 (c) (152)) go mór lena chéile ó thaobh ábhair agus ord na laoihe de. Téann na cóipeanna Ultacha a scríobh (1) Muiris Ó Gormáin (LN G146)—a fuair greim ar chuid mhaith de lámhscríbhinní Risteaird Tuibear; agus (2) Pádraig Ó Pronntaigh in 1759 (LN G457), le lámhscríbhinní Risteaird agus Sheoin. Grúpa A1 a thugtar ar na lámhscríbhinní seo in eagrán Ní Mhaoláin (2008). Do na lámhscríbhinní eile (lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt uilig) a bhaineann leis an ngrúpa sin, nó atá ceangailte leo, féach míreanna 10, 14, 17, 31, 32, 43, 68, sa liosta lámhscríbhinní in Ní Mhaoláin (2008: 34-55).

<sup>3725</sup> LN G127, lgh 1, 94, mar a bhfaighfear na dátaí thuas; tugtar tuilleadh eolais faoi lámhscríbhinn Thaidhg Óig Uí Uiginn, agus faoi chóipeanna eile a rinneadh aisti i mBaile Átha Cliath, in Mac Aogáin (1968: xix-xxii).

<sup>3726</sup> Féach an nóta in LN G127, lch 200.

Gaeilge in 1706 ar impí a mhic, Tadhg Ó Neachtain. Lean Risteard de ghiotaí éagsúla a chur leis an lámhscríbhinn, ó am go chéile, suas go dtí an bhliain 1715.<sup>3727</sup>

An tríú hiníon a bhí acu, Margaret Tuibear, rugadh í ar an 25 Márta 1714.<sup>3728</sup> Níos déanaí sa bhliain chéanna, chuir Risteard sraith téacsanna i gcrích ar an 21 Meitheamh 1714,<sup>3729</sup> cóipeanna as leabhar caillte an Ath. Pól Ó Colla, a scríobhadh in 1644, agus a bhí idir lámha ag Seon Mhac Solaidh an Samhain roimhe sin,<sup>3730</sup> nuair a rinne sé cóipeanna as ar son Thaidhg Uí Neachtain. B'fhéidir nach ceart a rá gur chuir Risteard na cóipeanna i gcrích, óir is ar éigean a chríochnaigh sé rud riamh: théadh sé siar, ar nós Pheadair Uí Ghealacáin, ar ar ghraf sé, ag ceartú agus ag scríobh leathanach sa bhreis; agus d'fhill sé, mar ba ghnách leis, ar an gceann áirithe seo níos mó ná deich mbliana tar éis a 'chríochnaithe'. An leabhar eile a bhí idir lámha aige thart faoin am seo, LN G127, tá sí lán de nótaí imeallacha agus rainn bhreise a tógadh, is dócha, ó chóipeanna eile. Caithfidh sé go mbíodh sé ar thóir cóipeanna níos fearr agus ní b'iomláine dá raibh ina chnuasach de shíor, óir tá an dúrud ceartúchán in LN G127, agus i gcuid eile dá chnuasaigh. Ghraf Seon Mhac Solaidh bailiúchán dhá imleabhar—ARÉ 23D6 (155) agus ARÉ 23D5 (156)—de dhánta stairiúla do Risteard in 1715;<sup>3731</sup> chuir Risteard cúpla céad leathanach in éineacht leis, mar aon le leasuithe agus rainn bhreise a tháinig ina threo. De na téacsanna a scríobh Risteard, tháinig dhá cheann acu ó lámhscríbhinní le Tadhg Ó Rodaighe.<sup>3732</sup> Tá, taobh leis an ábhar seo, giotaí éadroma eile, agus tá LN G127 lán

---

<sup>3727</sup> Tá colafon dar dáta sin ar lch 322.

<sup>3728</sup> COBÁC C2, lch iii. Deirfiúr le hAnna agus le Máire, deirtear.

<sup>3729</sup> ARÉ 23D9 (148), lch 235.

<sup>3730</sup> Grafadh an dáta in ARÉ 23A40 (150), an 4 Samhain 1713, san áit chéanna ina bhfuil an colafon i gcóip Risteard den téacs. Rinneadh plé ar ARÉ 23A40 (150) sa chuntas a tugadh ar Sheon Mhac Solaidh i gCaib. 2.102 thuas.

<sup>3731</sup> Rinneadh dhá chuid den lámhscríbhinn ina dhiaidh seo, ARÉ 23D6 (155) agus ARÉ 23D5 (156). Níl an dáta 1715 ach sa dara cuid, agus ní thugann Risteard dáta ar bith.

<sup>3732</sup> ARÉ 23D5 (156), lgh 281, 297.

de rann bheaga den chineál sin. Tugtar, sa chuid deiridh di an dá rann seo a scríobhadh c.1715,

La Fhéil' Padruic is í *ar* meisge.

Anna is anamh ag ól bheorach;  
ata 'comhartha *ar* a teanga—  
a n-ionad beagán beag Gaedhelach  
fuair Bearla is Laidion.<sup>3733</sup>

Do bhí begaoí *beag* suguidh *ar* Phadruic Le Fheil Padruic 7 do briothach.

Do bhalbhuidh Padruic Padruic,  
gí gur bhearrtha bhí a t[h]eanga  
do mhill Padruic, *dair* Padruic,  
Bearla Phadruic Uí Chealla.<sup>3734</sup>

Ghráf Risteard lámhscríbhinn eile dá úsáid féin le linn na bliana sin,<sup>3735</sup> agus LB Add. 30512, *R.I.A. Cat.*, 1448, os a chomhair. Lámhscríbhinn mheamraim is ea í LB Add. 30512 a bhí i seilbh Chonail Mhig Eochagáin i Lios Maighne, Co. na hIarmhí, mar ar ghráf sé in 1635 nóta fada faoi chith cloichshneachta a tharla an bhliain sin, ní a tharraing Risteard as an leabhar.<sup>3736</sup> Bhunaigh Risteard an chéad líne de rann a chum sé ar nóta eile a scríobh an tAth. Peadar Mhag Eochagáin sa lámhscríbhinn mheamraim sa bhliain 1670,<sup>3737</sup> ní a léiríonn nach raibh Walsh (1933: 203), le bheith pointeáilte, ceart amach is amach nuair a dúirt sé nach gcumadh Risteard dánta, ach níl againn ach iarrachtaí den sórt seo óna láimh,

Mise gibe mé, m'ainm ní búdh léir libh,  
do sgriobh so an 8mhadh la do mhí

---

<sup>3733</sup> LN G127, lch 399.

<sup>3734</sup> LN G127, lch 399.

<sup>3735</sup> ARÉ 23D1 (501).

<sup>3736</sup> Tá an nóta ina iomláine i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 471. Bhailigh Flower roinnt nótaí ar stair na lámhscríbhinne ina dhiaidh sin, nótaí atá i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 473. Ar lch 18 in ARÉ 23D1 (501) atá cóip Risteaird Tuibear de nóta Chonail Mhig Eochagáin.

<sup>3737</sup> Tá an nóta bunaidh ar f. 63b, agus tá sé i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 472. Níl a dhath ar bith ar eolas agam faoin Ath. Peadar Mhag Eochagáin, ach an beagán a thug mé i gCaib. 1.4.4.1, rud a bunaíodh ar a bhfuil i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 472.

Marti, Anno Domino 1715, <sup>7</sup> tugaidhe  
mur mbeannacht dhamh ar a shon .i. R. T. <sup>3738</sup>

An dara sampla atá againn, rud a cuireadh i gcló cúpla uair, tá an t-aon chóip amháin de atá ar fáil, go bhfios dom, i lámhscríbhinn ar scríobh Risteard cuid mhaith di sa bhliain 1724, LB Eg. 170. Bheadh sé le tuiscint ón dá rann iad féin, gur chuir Risteard iad chuig sagart éigin, mar aon le cóip de lámhscríbhinn ina raibh *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*, ar an 4 Deireadh Fómhair 1716, agus é ag súil leis go seolfaí an lámhscríbhinn ar ais chuig a mbeadh beo dá chlann lá éigin,

Deich gcéad beannacht uaim 'bhar ndáil  
i n-aonfheacht le hAodh, mo Sgatháin;  
's a[n] leabhar cēadna cuir ar ais  
i n-aimsir bhar mbāis, gan imreas.

Ge bé mhairfios uaimsi beó  
an leabhar līneach-sa do thabhairt dó;  
's nar fa luighaidé do shaoghal-sa sin,  
a stīobhaird an Choim<h>dhe chumuinn.

Anno Dom. 1716, October 4. <sup>3739</sup>

Bhíodh sé mar nós ag Risteard réamhrá a chur le lámhscríbhinní toirtiúla dá chuid, ina míníodh sé a raibh iontu, agus ina ndéanadh sé casaid corruair faoin easpa spéise a bhí á cur i lámhscríbhinní; léiríonn an brollach a chuir sé le LN G361 go raibh sé eolach ar an gclaonadh a bhí ag scríobhaithe téacsanna a athrú de réir mar a chóipeáil siad iad. <sup>3740</sup> Cúpla mí roimhe sin, bhí sé ag déanamh cóipeanna de na scéalta stairiúla a bhí i *Leabhar Gearr na Pailíse*, lámhscríbhinn chaillte ón mbliain 1648 a sheol Seon Mhac Solaidh chuige roimh dheireadh na bliana 1715, <sup>3741</sup> agus

<sup>3738</sup> ARÉ 23D1 (501), lch [b].

<sup>3739</sup> Cuireadh an píosa seo i gcló sa *B.M. Cat.*, ii, 356, agus in Mhág Craith (1967: 294), as an aon chóip amháin den dán atá ar fáil, LB Eg. 170, f. 52; ghráf Risteard Tuibear é féin an téacs isteach in LB Eg. 170 sa bhliain 1724 (rud a dhearbhaíonn gur cumadh an téacs ar an 4 Deireadh Fómhair 1716). Baineadh an leagan seo as Mhág Craith (1967: 294).

<sup>3740</sup> Féach Caib. 1.3.

<sup>3741</sup> Féach nóta 1867 thuas, mar a bhfaighfear trácht gearr ar an lámhscríbhinn seo, *Leabhar Gearr na Pailíse*, agus ar an ábhar a chóipeáil Risteard aisti isteach in LB Eg. 106.



bhí Risteard tar éis an chuid is mó den leabhar a chóipeáil agus é a chur ar ais chuige faoin 18 Feabhra 1716, nuair a scríobh Seon Mhac Solaidh téacs dó a d'fhág Risteard ar lár ina chóip féin.<sup>3742</sup> Thosaigh Risteard ansin ar an 11 Samhain 1716 ar an leabhar ginealach ar a dtugtar ARÉ 23E26 (756) anois a chóipeáil, agus is iomaí lámhscríbhinn den sórt sin a scríobh sé i bpáirt le Seon Mhac Solaidh sna blianta a lean sin. Ar Lá na Nollag 1716, bhí cóip den dara leabhar de 'Parliament Chloinne Tomáis' á thabhairt chun críche aige;<sup>3743</sup> cúpla seachtain ina dhiaidh sin, tháinig a chéad mhac, Peadar Buidhe Tuibear, ar an saol an 17 Eanáir 1717.<sup>3744</sup> Bliain ina dhiaidh sin, ar an 28 Eanáir 1718, chuir Seon Mhac Solaidh litir<sup>3745</sup> ghearr d'ionsaí air, inar iarr sé go cairdiúil air lámhscríbhinn leighis éigin a thug sé dó a fhilleadh air, toisc go raibh an sealbhóir ceart á lorg. Is féidir, is dóigh, glacadh leis gurb í seo an lámhscríbhinn chailte dar dháta 1433 ónar tharraing Risteard a chuid féin de ARÉ 24P3 (451) sa bhliain 1718; agus bhí sé fós ag cur le LB Eg. 106 ag an am, lámhscríbhinn a bhí os a chomhair le trí bliana ansin. Más ceart an scéal a thugann na lámhscríbhinní a tháinig slán dúinn, is dócha gur chaith Risteard cibé am a bhí le spáráil aige le linn na chéad chúig bliana eile ar ghinealaigh agus ar dhánta stairiúla a bhailiú le chéile. Agus bhí cúigear páistí aige roimh dheireadh na bliana sin, óir rugadh Catherine Tuibear ar an 18 Bealtaine 1718.<sup>3746</sup> Bhí Risteard ag cóipeáil arís ar an 5 Iúil 1719, nuair a ghráf sé píosa le Maoilín Ó Maoil Chonaire ó 'Leabhar na Cathrach'.<sup>3747</sup>

---

<sup>3742</sup> Tá an chóip de 'Cath Chluana Tairbh', a chríochnaigh Seon Mhac Solaidh do Risteard ar an 18 Feabhra 1716, ceangailte le cuid cóipeanna Risteard in LB Eg. 106.

<sup>3743</sup> Tugann Risteard an 25 Nollaig 1716 mar dháta scríofa ag deireadh an scéil seo in ARÉ 23L32 (111), lch 16.

<sup>3744</sup> COBÁC C2, lch iii. Deartháir leis an triúr páistí eile. Níl a dhath ar bith ar eolas agam ina thaobh, ach a bhfuil sa lámhscríbhinn anseo.

<sup>3745</sup> Féach go bhfuil cóip den litir sa chuntas ar Sheon Mhac Solaidh i gCaib. 2.102 thuas.

<sup>3746</sup> COBÁC C2, lch ii. Deirfiúr leis an gceathrar ar lch iii.

<sup>3747</sup> ARÉ 23E26 (756), lch 290; féach nóta 1826.

Rugadh iníon eile, Eilíonóra Tuibear, ar an 17 Deireadh Fómhair 1720, agus bhí máthair Risteard fós ina beatha an uair sin, cibé ainm a bhí uirthi, óir deir Risteard gur sheas sí le hEilíonóra.<sup>3748</sup> Is beag faisnéis atá ar fáil sna lámhscríbhinní faoin obair a rinne Risteard agus Seon sna blianta a lean sin, ach is féidir, mar a áitíodh cheana, go ndearnadh cuid mhaith den obair gharbh ar a gcnuasach mór ginealach le linn na mblianta sin. Ní raibh teorainn leis an bhfoighne a bhí acu—ná leis an méid ama agus airgid, is dóigh—a caitheadh ar an saothar seo a chur le chéile. Diomaite de sin, ba bheag le scoláirí áirithe de chuid na 20ú hAoise an bheirt acu a cháineadh mar gheall ar dhearmadtaí agus meancóga a rinne siad.<sup>3749</sup>

Rugadh iníon eile, Siobhán Tuibear, ar an 3 Lúnasa 1723, agus ba é an tAth. Roibeard Nuinseann a bhaist í.<sup>3750</sup> Méadaíodh leabharlann Risteard arís nuair a chuir Seon Mhac Solaidh, an té ba bhisiúla den bheirt, is dócha, lámhscríbhinn eile chuige am éigin in 1724, ar son lámhscríbhinne a bhí Risteard tar éis a scríobh dó. Níor mhair an socrú seo i bhfad ina dhiaidh sin, má thugann an méid dá gcuid lámhscríbhinní a tháinig anuas chugainn aon léargas ceart ar an scéal, agus níor scríobh Risteard ach saothar tábhachtach amháin eile i ndiaidh an 20 Deireadh Fómhair 1724, an dáta is déanaí a thugtar i saothar scríbhneoireachta a charad, Seon Mhac Solaidh. LN G177 atá uirthi anois, ar cóip de ARÉ 23M17 (153) + ARÉ 23M18 (154) í go bunúsach,<sup>3751</sup> ach tá nóta inti ina dtugtar le fios go raibh duine de mhuintir Lochlainn fós ina bheatha in 1724, rud a thaispeánann go raibh Risteard ag

---

<sup>3748</sup> COBÁC C2, lch iv. Scríobh Risteard Tuibear ina leabhar urnaithe gur sheas ‘mathair a athair [*sic*] fein’ le hEilíonóra Tuibear.

<sup>3749</sup> Féach nóta 1850.

<sup>3750</sup> COBÁC C2, lch iv. Deirfiúr le hEilíonóra Tuibear.

<sup>3751</sup> Deir Nessa Ní Shéaghdha, sa chuntas a scríobh sí ar LN G177, go bhfuil formhór an ábhair in ARÉ 23M17 (153), agus gur dóigh go raibh eiseamláir choiteann ag an dá lámhscríbhinn, *N.L.I. Cat.*, v, 24, ach thig linn glacadh leis go raibh an dá imleabhar, ARÉ 23M17 (153) + ARÉ 23M18 (154), arb aon lámhscríbhinn ó cheart iad (féach uimhriú na leathanach iontu agus an *R.I.A. Cat.*, 438), ar intinn aici; féach go dtugann sí tagairtí do théacsanna eile in LN G177 a bheith ar fáil in ARÉ 23M18 (154), *N.L.I. Cat.*, v, 27-8.

obair ar na ginealaigh i ndiaidh an ama sin, cé gur tiomsaíodh an chuid is mó den leabhar tamall maith roimhe sin, sa bhliain 1718 ar a mhaille.<sup>3752</sup> Lean Risteard air ag cur píosaí lena chuid leabhar fosta. Dheisigh sé, agus chuir sé téacsanna breise le LB Eg. 170 (a), lámhscríbhinn a thosaigh Séamus Biatach a scríobh in 1705: tá an 10 Samhain 1724 leis an gcóip de ‘Eachtra Mhacaoimh an Iolair’ a chuir Risteard léi.<sup>3753</sup> Rugadh Lúsie Tuibear ar an 10 Nollaig 1725, thart ar lá féasta an naoimh sin, agus bhaist an tAth. Roibeard Nuinsionn í fosta.<sup>3754</sup> Is féidir go raibh cúpla scríobhaí óg á dteagasc ag Risteard, nó go raibh siad ag obair faoina stiúir. Bhí aithne aige ar Fheidhlime Mag Fhinneachta,<sup>3755</sup> agus dhealródh sé go raibh baint éigin aige le Toirdhealbhach Ó Cilleáin (*qq.v.*),<sup>3756</sup> toisc a chosúla lena chéile atá stíleanna peannaireachta Risteard agus Thoirdhealbhaigh.

Tá an chóip úd de *Leabhar Bhaile an Mhóta* a scríobh Risteard idir na blianta 1727 agus 1728 neamhiomlán, ach is féidir go raibh beartaithe aige i dtús áite an lámhscríbhinn bunús uilig a chóipeáil, tharla go leanann sé ord an leabhair, ag fágáil corr-ruda ar lár. CT H.2.4 (1295) atá ar a chóip anois. Ní luíonn sé le dea-chéill go dtosódh Risteard ar thionscnamh mór den sórt seo gan a chuid oibre a chur i gcrích go hiomlán, murab é gur cuireadh isteach air bealach amháin nó eile; agus is féidir

<sup>3752</sup> Caithfidh sé gur scríobhadh cóip Sheoin Mhic Sholaidh de na ginealaigh sin, atá in ARÉ 23M17 (153), nó a formhór roimh an mbliain 1718, óir tugtar an dáta seo in ARÉ 23M18 (154), lch 387, agus b’ aon lámhscríbhinn amháin iad tráth; féach an *R.I.A. Cat.*, 438, nó nóta 1823.

<sup>3753</sup> Deir Flower go bhfuil ff. 2-35 i láimh Shéamuis Bhiataigh, agus gur scríobh Risteard ff. 36-53, *B.M. Cat.*, ii, 352. Tá an colafon a luann an 10 Samhain 1724 i gcló cheana ag Flower anseo, *B.M. Cat.*, ii, 354.

<sup>3754</sup> COBÁC C2, lch iv.

<sup>3755</sup> Scríobh Feidhlime Mag Fhinneachta cuid de LN G127 do Risteard. Chuir sé dhá cholafon isteach sa lámhscríbhinn, ceann amháin ina n-iarrann sé ar Risteard maitheamh dó a laige is atá a chuid ortagrafaíochta; tá an nóta seo i gcló in Aguisín 4, sa chuntas ar Fheidhlime Mag Fhinneachta i gCaib. 2.68, agus san *N.L.I. Cat.*, iv, 44-5. Féach fosta an nóta seo a scríobh Feidhlime Mag Fhinneachta chuig Risteard áit eile sa lámhscríbhinn chéanna, c.1715: ‘Da méub[h] nuitheacht ar bit[h] do bheriui chuir do airidh 7 ó na bhfuil mo s[h]eiruis diongbhala go d[t]iodh thu(i) le buitheas mór ar son do bhfuintearuis 7 mur sin be me le seruice air bith dá ccuirre d’f[h]iachuibh orm lena choim[h]lionud[h] duit’, LN G127, lch 528. Tá an colafon seo i gcló san *N.L.I. Cat.*, iv, 44, agus ba mhór an gar dom an leagan de a thugtar ann.

<sup>3756</sup> Ghráf Toirdhealbhach Ó Cilleáin cuid de LN G461, agus tá cuntas gharbha airgid sa lámhscríbhinn a luann Risteard Tuibear i gcúpla áit. Féach an cuntas a tugadh air cheana i gCaib. 2.132.

go bhfuil baint ag an mearbhall a lean básanna Anthony Raymond (*ob.*1726) agus Sheáin Uí Neachtain (*ob.*1729) leis an scéal.<sup>3757</sup> De réir an eolais a thugann Risteard, ba i dteach Thaidhg Uí Neachtain a rinne sé an obair chóipeála (Ní Shéaghdha 1989: 44 *n.*22), an té a raibh an leabhar idir lámha aige thart faoin am ar cailleadh Anthony Raymond. Ba é Anthony Raymond an té a bhí freagrach as *Leabhar Bhaile an Mhóta* a fháil ar iasacht in 1719 sa chéad áit;<sup>3758</sup> agus, dar le Risteard Tuibear, ba le Coláiste na Tríonóide é nuair a scríobh sé giotaí as isteach in ARÉ 23E26 (756) sa bhliain 1726.<sup>3759</sup> Is é an luach is mó atá ag baint le CT H.2.4 (1295) anois go bhfuil ábhar inti nach bhfuil sa lámhscríbhinn mheamraim anois, mar gheall ar dhochar a rinneadh di sa seachrán caoga bliain a rinne sí ar fud na tíre i ndiaidh do Risteard í a chóipeáil, sa dóigh gur cailleadh duilleoga agus go bhfuil píosaí eile dothuigthe anois a bhí inléite go luath san 18ú hAois.<sup>3760</sup> Le linn do Risteard a bheith ag druidim le deireadh na hoibre cóipeála, an méid a rinne sé, chuir sé cúpla píosa as *Leabhar Bhaile an Mhóta* isteach in ARÉ 23D9 (148) thart faoin 25 Eanáir 1728.<sup>3761</sup> Rugadh Labhrás Tuibear, ‘mac do Riostard Tuibear’, ar an 4 Lúnasa 1728.<sup>3762</sup> Bhí Tadhg Ó Neachtain fós ag cuidiú leis chomh mall leis an mbliain 1736, nuair a luaigh Tadhg Ó Neachtain é i liosta daoine dár thug sé leabhair ar iasacht: ‘Richard Tiper has Desiderius in English, the Glacky, and book of law 7 Fermaltas’; ‘1736 Mr Tipper has naor, *Imeacht cúigir, Gleacaí, Leabhar an reacht, ...*’<sup>3763</sup> Cúig bliana ina dhiaidh

<sup>3757</sup> Fuair Seán Ó Neachtain bás an 9 Márta 1728[9], de réir Thaidhg Uí Neachtain. Féach an *B.M. Cat.*, ii, 89, nó Ó hÁinle (2005a: 53).

<sup>3758</sup> Ní gá dul isteach sa scéal anseo; féach Harrison (1988: 76-9).

<sup>3759</sup> Tá liosta de na giotaí seo san *R.I.A. Cat.*, 2334-5. Tugann suimiú ar leathanach eile i ndiaidh na sleachta sin, lch 361, go raibh sé ag scríobh sa bhliain 1726.

<sup>3760</sup> Féach an *T.C.D. Cat.*, 67-9. Bhí lámhscríbhinn Risteard, CT H.2.4 (1295), i gcnuasach an Dra Francis Stoughton Sullivan (O’Sullivan 1976: 247), agus tá sí i gColáiste na Tríonóide ón mbliain 1766 leis an gcuid eile de chnuasach Sullivan.

<sup>3761</sup> Tugtar an dáta ‘vigesimo et quinto die Ianus’ 1728 in ARÉ 23D9 (148), lch 17a.

<sup>3762</sup> COBÁC C2, lch viii.

<sup>3763</sup> Tá na nótaí seo in CT H.4.20 (1361), lgh 560, 597-8, agus foilsíodh iad in Harrison (1988: 39-40), agus in Ó hÁinle (2005a: 63-4). Baineadh an chéad tagairt thuas as Harrison (1988: 39), agus an dara

sin, go luath sa bhliain 1741, scríobh Tadhg Ó Neachtain trí mhairgne ar Anna Tuibear—bean Risteaird, nó an iníon ba shine a bhí aige, b’fhéidir—agus iad in éineacht le hábhar eile a bhí sé tar éis a chumadh thart faoin am sin.<sup>3764</sup> D’fhéadfadh sé gur mhair a iníon Anna go dtí an bhliain 1747, mar a fheicfear thíos.<sup>3765</sup> Déanann an chatalóg, a cuireadh le chéile le haghaidh cheant leabhar Edward O’Reilly sa bhliain 1830, tagairt do lámhscríbhinn ina raibh cóip de *Sanasan no Focloir Nua* Mhíchíl Uí Chléirigh a scríobh Risteard sa bhliain 1742. Mír 161 a tugadh uirthi, ach ní féidir teacht uirthi anois.<sup>3766</sup> Ní fios cá huair a fuair Risteard Tuibear bás, ach bhí sé ina bheatha faoin am ar tháinig Muiris Ó Gormáin chuig Baile Átha Cliath, óir ba chuimhin le Muiris, an uair a scríobh sé catalóg dá chuid lámhscríbhinní an 22 Nollaig 1761, go bhfuair sé ceann amháin acu go díreach ó ‘Mr Tipper’.<sup>3767</sup> B’fhéidir gur aistrigh Risteard go dtí Paróiste San Cairtriona, sna Saoirsí—áit a raibh cónaí ar Thadhg—sula bhfuair sé bás, óir tá thart ar dhosaen taifead i leabhair baistí agus póstaí an pharóiste sin a léiríonn go raibh triúr ban óga dar shloinne Tipper ag cur fúthu sa pharóiste sin sna 1740í—Anne, Margaret, agus Eleanor. Bheidís ar

---

ceann as Ó hÁinle (2005a: 64). Tugann Harrison (1988: 40) an dara tagairt fosta, ach níl dáta léi; is nóta breise atá inti, dar le hÓ hÁinle (2005a: 63 n.19), agus tá an bhliain 1736 léi.

<sup>3764</sup> Gheofar cóip den tuireamh (*Anna Tuibear mo t[h]uirse géar thú*), agus dánta eile (*Mise Máire, an bhean bhocht; Cia bhfuil Anna, searc gach saoi?; An tealgadh cuachach uasal béarlach binn*), in LN G135, lgh 31-4. Deirtear áit amháin gur adhlacadh Anna Tuibear i gClochrán, áit atá gar do Chaisleán Cnucha. Is sa bhliain 1741 a grafadh an t-ábhar atá ar gach taobh de na ceithre mhairgne seo sa lámhscríbhinn; is é 174<sup>1</sup>/<sub>0</sub> Jan. an dáta atá ar lch 30, mar a deir Ní Shéaghdha, *N.L.I. Cat.*, iv, 72.

Déanann O’Reilly (1820: ccxiii, ccxxvii, ccxxix), *Irish Writers*, tagairt do na mairgní seo ina liosta de chumadóireacht Thaidhg Uí Neachtain, agus dealraíonn sé ó ord na dtéacsanna a luann sé sa liosta sin, agus sa chuntas ar Sheán Ó Neachtain, go raibh sé tar éis an lámhscríbhinn seo a scrúdú leis na liostaí seo a chur le chéile, mar a taispeánadh san *N.L.I. Cat.*, iv, 69.

<sup>3765</sup> Féach nóta 3768.

<sup>3766</sup> Tugtar tagairt don lámhscríbhinn chaillte sin i liosta lámhscríbhinní Flower, *B.M. Cat.*, ii, 329.

Tráchtar uirthi i gcatalog cheant chnuasach Edward O’Reilly (1830), áit a dtugtar mír 161 uirthi. Deirtear sa nóta catalóige gur ghráf Risteard Tuibear an lámhscríbhinn in 1742, agus gur chóip de *Focloir no Sanasan Nua* Mhíchíl Uí Chléirigh í.

<sup>3767</sup> Tagraíodh cheana don nóta seo i nóta 2869 thuas, ach is fiú é a thabhairt arís. Sa chatalóg a scríobh Muiris Ó Gormáin ar an 22 Nollaig 1761, ARÉ 23H23 (a) (631), tugann sé an cuntas seo ar mhír 73: ‘An Irish Testament in 4to bought of Mr Tipper’ (Ní Mhunchaile 2010: 273). Is dóigh liom go ndeachaigh Muiris Ó Gormáin go Baile Átha Cliath am éigin idir na blianta 1749 agus 1752, ach níl i gceist ansin ach tomhas. Dhealródh sé ó chuid de na míreanna eile sa chatalóg sin go raibh aithne mhaith ag Muiris ar Thadhg Ó Neachtain fosta; tugann sé ‘Mr Norton’ agus ‘Mr Tipper’ ar an mbeirt scoláirí seo, ionann is go raibh aithne aige orthu mar sheanóirí measúla.

comhaois le hiníonacha Risteaird fosta: chonaic muid cheana go raibh iníonacha ag Risteard darbh ainm Anna Tuibear (1709–), Margaret Tuibear (1714–), agus Eilíonóra Tuibear (1720–). Dealraíonn sé go raibh páirt ag an triúr a bhfuil tuairisc orthu sna cláir lena chéile, beirt acu pósta le fir dar shloinne Norton, agus duine muinteartha leo darbh ainm Richard Tipper beo sa bhliain 1747.<sup>3768</sup>

---

<sup>3768</sup> Is iad seo na hiontrálacha a thugtar i gCláir na mBaistí & Póstaí, Paróiste San Caitríona, 1740-49; 1750-65, áit ar osclaíodh an chéad leabhar ar an 6 Bealtaine 1740; agus is soiléir óna bhfuil ann go raibh páirt ag an triúr ban seo lena chéile. Bhí siad go maith as fosta; bhí formhór na dteaghlach sa pharóiste seo ag díol £0.1.1 mar fhiacha baiste, ach bhí níos mó airgid á thabhairt ag cúpla teaghlach, muintir Tipper san áireamh, mar a fheicfear thíos.

**(a) Thomas Norton agus Anne Tipper:**

‘29 [Meitheamh 1741]. B[aptised] *Peter Norton*, Thomas [Norton] & Ann [—], P[arents]. Edw<sup>d</sup> Anderson & Marg<sup>t</sup> Tipper, G[ossips. £ 0.]1.1’. “Baptised by Mr Talbot.”

‘16 [Meán Fómhair 1742]. B[aptised] *Mary Ann Norton*, Tho<sup>s</sup> [Norton] & Ann [—], P[arents]. James Kenedy & Ann Keary, G[ossips. £ 0.]3.4’.

‘13 [Eanáir 174<sup>3</sup>/<sub>4</sub>]. B[aptised] *Patrick Norton*, Thomas [Norton] & Ann [—], P[arents]. Mathew Darcy & Sarah Burk, G[ossips. £ 0.]3.4’.

‘31 [Eanáir 174<sup>4</sup>/<sub>5</sub>]. B[aptised]. *John Norton*. Tho<sup>s</sup> [Norton] & Ann Tipper, P[arents]. Redmund Fannan & Mary Tipper, G[ossips. £ 0.]2.8½’. Cuireadh líne faoi ainm John Norton san iontráil seo; is minic a thugann sé sin le fios go ndearnadh cuardach air ag pointe éigin d’fhonn teastas a scríobh.

‘24 [Iúil 1746]. B[aptised] *Daniel Norton*. Tho<sup>s</sup> [Norton], Ann Tipper, P[arents]. Matthias Lacy, Mary Norton, G[ossips. £ 0.]2.8½’.

‘5 [Meán Fómhair 1747]. B[aptised] *Elinor Norton*. Tho<sup>s</sup> [Norton] & Ann [—], P[arents]. Robert Dowdall & Jane Fanin. [£ 0.]5.5’.

**(b) Patrick Norton agus Margaret Tipper:**

‘5 [Meán Fómhair 1747]. M[arried] Patrick Norton to *Margaret Tipper*. W[itnesses] Tho<sup>s</sup> Norton, James Flood & wife, Mary [Tipper] & **Richard Tipper** & Joseph Norton, &c. [£ 0.]3.4’.

**(c) James Flood agus Eleanor Tipper:**

‘16 [Nollaig 1740]. M[arried] James Flood [to] *Elinor Typper*. W[itnesses] Thomas [Naughton] & Ann Naughton & Thomas Ferrall. [£ 0.]2.8½’.

‘14 [Nollaig 1742]. B[aptised] *Mary Flood*. James [Flood] and Elinor [—], P[arents]. Edward Anderson & Margaret Tipper, G[ossips. £ 0.]3.9½’.

‘21 [Nollaig 1743]. B[aptised] *Margaret Flood*. James [Flood] & Elinor [—], Parents. Thoms Cox & Ann Flood, G[ossips. £ 0.]1.7½’.

‘21 [Samhain 1746]. B[aptised] *Mary Flood*. James [Flood] & Elinor [—], P[arents]. Redmond Fanin & Margery M<sup>c</sup>Dermot. [£ 0.]5.5’.

‘20 [Nollaig 1747]. B[aptised] *Christian Flood*. James [Flood] & Elinor [—], P[arents]. Tho<sup>s</sup> M<sup>c</sup>Dermot & Judith Fanning. [£ 0.]3.4’.

‘16 [Bealtaine 1749]. B[aptised] *John Flood* to Jam<sup>s</sup> [Flood] & Eleon<sup>r</sup> [—], P[arents]. Daniel Ward, Ann Keary. [£ 0.]2.8½’.

‘27 [Lúnasa 1751]. B[aptised] *Lewis Flood*. James [Flood] & Elinor [—], P[arents]. William Curry & Mary Keary, G[ossips]’.

Bhí ‘Richard Tipper’ eile ina charas Críost do Mary Devereux, iníon Pat Devereux agus Bridget Tipper, a baisteadh sa pharóiste sin ar an 1 Iúil 1792 (i gClár na mBaistí, Paróiste San Caitríona, 1781-94).

Ní féidir a bheith cinnte cá huair a cailleadh é, ach b'fhéidir gurbh fhiú a lua gur adhlacadh Mr. Tipper éigin as an gCom, Baile Átha Cliath, i reilig Phrotastúnach ar an 24 Lúnasa 1755, ach ba mhinic a d'adhlaictáí Caitlicigh sna reiligí sin san 18ú hAois.<sup>3769</sup>

---

<sup>3769</sup> Deirtear in Ní Mhunghaile (2009b: 511 col. b – 512 col. a) go bhfuair Risteard Tuibear bás sa bhliain 1730, ach chonaic muid thuas go raibh sé ina bheatha sna blianta 1736 agus 1742. Tá an taifead sin a luadh thuas i *gClár na nAdhlacthaí, Paróiste San Niocláis, Taobh Amuigh* (Eaglais na hÉireann): ‘Mr. Tipper of Combe [*sic*]’ a cuireadh i dtalamh ar an 24 Lúnasa 1755. Tá tagairt eile do Mr. Tipper a adhlacadh i bparóiste Naomh Muire i *gClár na nAdhlacthaí, Paróiste Naomh Muire* (Eaglais na hÉireann) ar an 29 Meán Fómhair 1759, ach ní thugtar ionad cónaithe. Is é is dóichí, áfach, gur cuireadh Risteard Tuibear ina áit dhúchais, nó le hAnna Tuibear san uaigh i gClochrán.

## **Aguisín 1: Tagairtí do Chatalóga**

Bhain mé saorúsáid as na catalóga ar an móróir, ach amháin sa chás gur thagair mé do thuairimí nó do thaighde bunaidh a nochtadh iontu den chéad uair nach féidir fíricí bunúsacha a thabhairt orthu. Is ar mhaithe le líon na bhfonótaí a laghdú agus a choinneáil faoi smacht a dhéantar seo. Luaitear na catalóga a úsáideadh sa leabharliosta ag deireadh an tráchtais. Is mór, ar ndóigh, idir na catalóga agus liostaí lámhscríbhinní ó thaobh cur chuige, aoise agus cruinnis de,<sup>3770</sup> agus rinneadh iarracht cur lena bhfuil iontu nuair a measadh iad a bheith easnamhach. Ar na nósanna a bhí ag na cláraitheoirí luatha, bhí claonadh acu an chéad dáta ar ar tháinig siad a lua leis an lámhscríbhinn mar thuairisc lom ar a haois, gan dul sa tóir ar fhianaise colafon eile, nó lámha éagsúla a aithint óna chéile, sa chás go raibh comhlámhscríbhinní os a gcomhair. Fágann sin go mbíonn na sonraí uaim bunoscionn lena bhfuil sna catalóga féin ó am go chéile, agus tá iarracht déanta agam aire an léitheora a tharraingt ar bhreiseanna agus ar cheartúcháin den sórt sin sna fonótaí, ar cheasta go gceapfaí gur meancóga iad. Nuair a d'aithin na cláraitheoirí féin peannaireacht lámhscríbhinne gan síniú trína cur i gcomparáid le samplaí eile ó láimh an scríbhneora chéanna, chuir mé réiltín (\*) i ndiaidh uimhir phreasa na lámhscríbhinne sna liostaí lámhscríbhinní i gCaib. 2 (amháin) agus fonóta mínithe, má bhí gá leis. Sa chás go ndearna mé féin amhlaidh, bainim leas as miodóg (†) ar an dóigh chéanna. Tugtar liosta de lámhscríbhinní a luadh go contráilte le scríobhaithe sna catalóga agus i saothair eile, de réir mar a dhéanaim amach, i bhfonóta i ndiaidh ainm an scríobhaí sa chaibidil chéanna. Táthar ag súil leis go dtabharfaidh an modh oibre seo cúnamh don té ar mhaith leis teacht ar a chinneadh féin maidir leis na

---

<sup>3770</sup> Tá déanta amach ag Pádraig de Brún (1987: 27) go gcaithfear clárú no athchlárú a dhéanamh ar 35% de na lámhscríbhinní, nó thart air, atá ar caomhnú faoi láthair.



lámhscríbhinní seo. Gheofar cuntas ar fhormhór mór na gcatalóg sa *Treoir.*, agus tá liosta de na giorrúcháin a d'úsáid mé in Imleabhar 1, lgh xx-xxix. Cuirim san áireamh lámhscríbhinní a cailleadh—ach a bhfuil cóipeanna díobh ar fáil ar mhionscannán,<sup>3771</sup> nó cóipeanna dílse díobh i gcló<sup>3772</sup>—sna beathaisnéisí faoi ainm an chnuasaigh nó an iarshealbhóra, maille le tagairt don fhoinsé as ar bhain mé úsáid.

---

<sup>3771</sup> Lámhscríbhinní Ollscoil na Banríona atá i gceist agam anseo go príomha, agus bhain mé leas as na mionscannáin atá sa Leabharlann Náisiúnta. Féach nóta 21 thuas.

<sup>3772</sup> Rinne mé seo uair amháin, i gcás SPU, óir is dócha nach bhfuil an giota lámhscríbhinne sin cailte, agus go dtiocfar air i measc na bpáipéar sa chnuasach sin amach anseo. Féach na nótaí ar George Codan i gCaib. 2.10.

## **Aguisín 2: Dátaí agus Logainmneacha**

### *Dátaí*

Ó tharla go rabhthas ag dul ón seanchóras dátaithe (.i. an tseanstíl, nuair a thosaíodh an athbhliain ar an 25 Márta)<sup>3773</sup> go dtí an córas úr, ón am ar glacadh leis an gcóras úr sin in Albain ag deireadh na 16ú hAoise, tá easpa leanúnachais éigin le sonrú ar chuid de na lámhscríbhinní ó thaobh cúrsaí dátaithe, agus is minic nach mbítear in ann a bheith deimhnitheach de go bhfuil córas amháin thar chóras eile á úsáid iontu. Tugtar, amanna, an dá chóras taobh lena chéile, sa dóigh go bhfaigheann muid dátaí ar nós 172<sup>2</sup>/<sub>3</sub> sna lámhscríbhinní ó dheireadh na 17ú hAoise agus ó thús na 18ú hAoise, agus is soiléir gurbh fhearr le Ristead Tuibear an córas úr chomh fada siar leis an mbliain 1717,<sup>3774</sup> cé nár reachtaíodh an nós sin imeachta i Sasana go dtí an bhliain 1752. De bhreis ar an méid sin, tá leideanna sna lámhscríbhinní go raibh na scríobhaithe féin giota beag trína chéile faoi seo; féach go scríobhann Pádraig Ó Pronntaigh gur scoir sé den scríobh ar ‘Novemb<sup>r</sup> the 6<sup>th</sup>, 1762, New Style’,<sup>3775</sup> nuair a bhí an cheist socraithe le fada an lá. An scéal céanna in COBÁC A23, lámhscríbhinn de chuid Labhráis Mhic Con Allaidh a grafadh idir mí na Nollag 1763 agus 176<sup>3</sup>/<sub>4</sub>, mar a luaitear sna colafoin inti.

Ós rud é nach dtig linn a bheith cinnte anois faoi na córais éagsúla a bhí á n-úsáid ag na scríobhaithe, toisc nach mbíonn ach bliain scríofa i gceist go rialta agus nach mbíonn taifid leanúnacha i gcuid mhaith lámhscríbhinní ar dhátaí scríofa, is éard a rinneadh anseo, an dáta (nó na dátaí) féin a thugtar sa lámhscríbhinn a atáirgeadh mar a fuarthas é (iad). Sa chás go raibh an scríobhaí ag gabháil don scríobh *go*

<sup>3773</sup> B'fhéidir gur róshimplí mar mhíniú air an méid sin, ach ní gá dul isteach go mion sa cheist anseo.

<sup>3774</sup> Na dátaí breithe a thugann sé dá pháistí mar theist air sin, duine acu a rugadh ar an 17 Eanáir 1717 (N.S.), agus duine eile ar an 18 Bealtaine 1718. Féach nóta 3716 thuas.

<sup>3775</sup> OÉG H20 (b), lch 46.

*leanúnach* thar thréimhse fhada, cuirim na dátaí uilig lena chéile (m.sh. scríobhaim na dátaí 1715, 1716, 1717, 1718 mar 1715-18), ach nuair a bhíonn na dátaí a thugtar scartha go maith óna chéile ó thaobh ama de—nuair a bhíonn bearna ceithre bliana idir na dátaí, scríobhaim iad scartha óna chéile (tugaim 1827, 1842-3 i gcás ARÉ 23054 (1363)). Tharla sé, uair nó dhó, go raibh na huimhreacha féin doiléir nuair a scríobhadh i bhfocail iad.<sup>3776</sup>

### *Logainmneacha*

Ós rud é go mbaineann na scríobhaithe ar a ndéantar plé anseo bunús uilig le dúichí nach bhfuil Gaeilge á labhairt iontu a thuilleadh, agus go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go raibh an teanga imithe i ndíth, nó geall leis, i bhformhór na ndúichí seo chomh fada siar agus deireadh na 19ú hAoise, is doiligh cuid de na logainmneacha Béarla a gcastar leo sna lámhscríbhinní, agus go mórmhór i dtaifid riaracháin, a thiontú go Gaeilge. Ní haon chuidiú dúinn go mbíonn cuid mhaith d’ainmneacha na mbailte fearainn i gCo. Lú agus i gCo. na Mí bunoscionn leis na leaganacha Gaeilge a shamhlófaí a bheith orthu, m.sh. *Muinchille* arb é ‘Slieve’ (nó ‘Slieve Road’) an t-ainm Béarla a thugtar ar an áit go coitianta.<sup>3777</sup>

Braitear cuid mhaith ar an eolas atá lucht an Bhrainse Logainmneacha tar éis a chur le chéile, ach tá cuid mhaith logainmneacha luaite agam nach bhfuil leagan údarásach Gaeilge ar fáil díobh. Cuid acu, tá foirmeacha sealadacha nó ‘neamhdheithnithe’ díobh ar fáil, ar foirmeacha athchruthaithe iad a bhformhór, agus fuair mé cúpla leagan eile ar údarás scoláirí Gaeilge, nó i bhfoilseacháin, \**Baile*

---

<sup>3776</sup> Féach fosta Ó Cuív (1969-70a), agus an dáta a thugtar i gcolafon LN G536, lgh viii, 187, f. 335 (pláta den leathanach deiridh in Ó Buachalla (1979: idir 348-9)) i gCaib. 1.3, colafon 100, thuas. Féach fosta an cuntas ar Shéamus Ó Treasaigh i gCaib. 2.224.

<sup>3777</sup> Féach an plé a rinneadh ar an logainm seo mar chuid den chuntas ar Eoghan Ó Dúiche i gCaib. 2.155.

*Mhic Gríocháin* [Ballymagreehan], *\*Dún gCoimín* [Dungimmon].<sup>3778</sup> Áit ar bith a n-úsáidtear leaganacha neamhdheimhnithe nó ‘athchruthaithe’ den chineál seo i gcás logainmneacha reatha, cuirim réiltín roimh an leagan, m.sh. *\*Doirealach* [Diralagh], *\*An Mhaigh Bhán* [Moybawn], sa *\*Mhaigh Bhán* [Moybawn], an leagan reatha Béarla ina dhiaidh, nó i bhfonóta mínithe leis, más gá. Nuair a bhíonn logainmneacha Gaeilge in úsáid ag scríobhaithe nach bhfuil glacadh leo sna liostaí oifigiúla, nó nuair is logainmneacha stairiúla iad, géillim do nós na scríobhaithe an chuid is mó den am, ach leanaim an nós sin imeachta a ghlac mé chugam i dtaobh logainmneacha ‘neamhdheimhnithe’, nuair atá amhras mór orm faoi leagan na lámhscríbhinne, m.sh. i *\*dTobar Coill* (< *a tTobarchuill*, ARÉ 2314 (1198), lch 115) [‘Toberaquill’], ach *Ucht Leacain* [‘Outleckan’].<sup>3779</sup>

Tarlaíonn sé amanna nach mbíonn foirmeacha oifigiúla Béarla de logainmneacha ar fáil, m.sh. ‘Corskeltagh’, agus leanaim litriú na foinse dá bharr sin. Theip orm fosta cuid de na logainmneacha Gaeilge a fuair mé sna lámhscríbhinní a aithint ar chor ar bith, m.sh. ‘Carraic an Damhsa’, ‘Droim na Gruach’, agus tugaim iad faoi chomharthaí athfhriotail.

---

<sup>3778</sup> Féach na cuntais ar Eoin Ó Gribín, agus ar Shéamus Mac Giolla Chomhghaill i gCaib. 2.174, 2.80.

<sup>3779</sup> Féach na cuntais ar Mhuiris Ó Fearghail, agus Eoghan Carrach Mac Conmhaoil i gCaib. 2.162, 2.56.

### Aguisín 3: Sleachta as Lámhscríbhinní

Áit ar bith a mbaintear úsáid as sleachta as lámhscríbhinní, tá noda agus giorrúcháin an bhuntéacs scaoilte agam de réir comhthéacs, chomh fada agus is féidir,<sup>3780</sup> i gcló iodálach. Níor cuireadh cló iodálach ar nasclitreacha ná ar phoncanna séimhithe.<sup>3781</sup>

Baintear úsáid as & le *et* na lámhscríbhinní a léiriú, agus fágadh  $\gamma$  (*agus*) mar atá.

Níor bacadh, mar nós, le noda a scaoileadh i sleachta Béarla.

Ábhar spéise í ortagrafaíocht na lámhscríbhinní déanacha seo, agus measadh nárbh fhearrde an léitheoir na sleachta a thugtar anseo a chaighdeánú. Sa chás gur doiléir caint na lámhscríbhinne, tugtar míniú i lúibíní cearnacha i ndiaidh comhartha ionannais. Ina ainneoin sin, rinneadh an phoncaíocht, úsáid ceannlitreacha agus mion-nithe eile den sórt seo a thabhairt chun slachta.

---

<sup>3780</sup> Scaoiltear *ar*-stríoc mar *ar*, mar shampla, más léir go bhfuil *air* ag teastáil de réir an chomhthéacs, fiú. Ar an taobh eile, ní dhearnadh idirdhealú idir *m*-stríoc shéimhithe (nuair a bhí sí ag feidhmiú mar stríoc ghiorrúcháin) agus gnáthstríoc ghiorrúcháin, má ba shoiléir gur chuir an scríobhaí iad trína chéile.

<sup>3781</sup> Fágann sin go marcáiltear *ea*, *ei* i gcló iodálach áit a bhfuil *e* ard in úsáid, ó tharla gur nod ceart é i dtréimhse na Nua-Ghaeilge, ach gur sa ghnáthchló a bhíonn *ea* áit ar bith a raibh *ea*-nasclitir sa lámhscríbhinn féin.

#### Aguisín 4: Sloinnte

(a) Treoir ghinearálta don chaighdeán a úsáideadh

Ós rud é gur grafadh na lámhscríbhinní atá i dtrácht anseo thar thréimhse 250 bliain, agus gur chorráitheach an tréimhse í ó thaobh chothú na litríochta agus chumas na scríobhaithe in ortagrafaíocht na teanga, ní ábhar iontais é go mbeadh luaineacht áirithe le sonrú ar an dóigh a litrítear cuid mhaith de na sloinnte sna lámhscríbhinní. Ní hé amháin go bhfaigheann muid scríobhaithe difriúla a bhí ar aon sloinne lena chéile á litriú ar dhóigheanna éagsúla, ach go dtagann muid ar an scríobhaí céanna ag litriú a ainm féin ar chúpla dóigh in aon lámhscríbhinn amháin. Roibeard Mhag Uidhir, cuirim i gcás, a scríobhann a ainm mar *Riobhart Mac Guibhear* agus *Riobart Mac Dhuibhfhir* in ARÉ 23D24 (510), agus an dáta 1776 leis an dá cholafon ina dtugtar na litrithe sin. Dealraíonn sé gur scríobh sé *Riobart Mhac Dhubhfhir* in OÉG H11,<sup>3782</sup> lámhscríbhinn a cailleadh ó rinne Áine de Búrca cur síos uirthi sa *de Búrca Cat.*, 194-246.

Is follas don léitheoir ón sampla simplí a thugaim anseo nach raibh de rogha agam ach caighdeán éigin a chur i bhfeidhm ar litrithe na scríobhaithe, toisc a ghuagaí atá cuid acu. Ar an taobh eile, tá sciar maith leaganacha anseo nach bhfuil ceart ó thaobh na staire de, ach atá in úsáid ag scríbhneoirí le fada, agus cuma thar a bheith barántúil orthu don té nach gcaithfeadh súil róghéar ar a mbrí, m.sh. Cormac Mac Cuan (*cuan*), agus Peadar Ó Gealacáin (*gealacán* = buíocán uibhe). Is féidir linn féachaint ar shampla amháin de shloinne scríobhaí atá scríofa i litriú foghrúil in LN G127,

---

<sup>3782</sup> Féach an *de Búrca Cat.*, 195, 226.

Na(c) bí caissid *air* an scriouener oigse fa orthographi na Gaoidhealg. Do d[h]uine fiormhuinteardha [.i.] Feidhlime Mac [€] Gionnuit(h)a.<sup>3783</sup>

Tá dhá ní sothuigthe ón méid sin: (i) nach raibh ach, mar a admhaíonn an scríobhaí féin, tuiscint thar a bheith lag aige ar ortagrafaíocht na Gaeilge; agus (ii) go raibh sé in amhras faoin dóigh ar cheart dó a ainm a litriú. B'fhollas don té a chaithfeadh súil ar an gcuid eile den lámhscríbhinn atá ina lámh go raibh claonadh beag aige séimhithe a chur isteach ar nós cuma liom corruair, agus más fíor go bhfuil séimhiú thar an gceart againn anseo, is féidir gur cheart \**Mac Gionnuita* a léamh i dtús áite.<sup>3784</sup>

Téann sin go measartha maith leis an sloinne, *Mag Fhinneachta*, atá ar taifead, agus a bhaineann leis an taobh seo tíre. Is dóigh go bhfuil sé soiléir fosta nach bhfeilfidh caighdeán docht don chineál seo oibre, áit ar cóir caitheamh leis an bhfaisnéis atá againn ar gach scríobhaí as a neart féin, ag brath ar an méid colafon dá chuid atá againn, ar a luaineacht atá na litrithe a thugann sé iontu, agus ar a chumas Gaeilge a scríobh ar an móróir. Fágann sin gur doiligh teorainneacha an chaighdeáin nó an méid athruithe ba chóir a dhéanamh a leagan amach go cruinn, agus gur baolach go gcuirfí ainmneacha roinnt scríobhaithe as aithint go hiomlán dá ndéanfaí an iomarca ceartúchán orthu. Chuige sin, soláthraím caighdeán thíos, agus liosta d'ainmneacha scríobhaithe a ndearnadh athruithe móra orthu, nó arbh éigean dom a bhfágáil mar a fuair mé iad, toisc a dhoiléire a bhí siad.

---

<sup>3783</sup> LN G127, lch 532. Féach nóta 1481 thuas.

<sup>3784</sup> Déarfainn gur minice séimhiú gan ábhar ar *t* nuair is é /t/ agus ní /t'/ atá i gceist, agus is mar *th* a scríobhtar /t/ go coitianta san *English character*.

Ar na hathruithe a rinneadh anseo ar na foirmeacha, idir chéadainmneacha agus shloinnte, a d'fhág na scríobhaithe againn, tá an méid seo a leanas le sonrú ach go háirithe—

## 1. Athruithe ar an Eilimint Deiridh

### Gutaí

- (a) Ceartaítear na gutaí laga neamhaiceanta  $a(i)$ ,  $o(i)$ ,  $u(i)$  go  $a(i)$ , de réir nósanna an lae inniu.
- (b) Cuirtear sínithe fada ar ceal i gcás na ndéfhoghar / na ndélitreacha seo a leanas,  $áo > ao$ ,  $eó > eo$ ,  $ía > ia$ ,  $úa > ua$ , agus ar na foirmeacha gaolmhara,  $áoi$ ,  $aoí > aoi$ ,  $eói > eoi$ ,  $íai > iai$ ,  $úai > uai$ . Athraítear  $eu > éa$ .
- (c) Glantar síneadh fada ar  $a$  nuair a thagann sí roimh  $r$ ,  $rr$ ,  $rd$ , srl.
- (d) Déantar normalú ar ghutaí nó ar chairn gutaí neamhstairiúla áit ar cosúil gurb é éagumas an scríobhaí in ortagrafaíocht na Gaeilge is ceannfháth leo, m.sh.  $e$ ,  $ie > ia$ ,  $oa > ó$ ,  $ua$ .
- (e) Ceartaítear  $io$  go  $ea$  de réir chóras ortagrafaíochta ár linne féin.
- (f) Cuirtear isteach gutaí deiridh a bháitear sa chaint go minic mar gheall ar athruithe teanga eile, m.sh.  $Mag Áodh > Mag Aodha$ ,  $Mac ol Chear > Mac Giolla Cheara$ .
- (g) Ceadaítear sleamhnóga de réir mar is gá.



(h) Soláthraítear guta cuí (móide sleamhnóg, más gá) roimh *dh*, *gh* i gcásanna den chineál seo, *a Frielldh > Ó Faircheallaigh*.

(i) Marcáiltear sínte fada de réir mar is gá.

## Consain

(j) Déantar normalú ar chonsain dhúbailte bhréagársa, m.sh. *cch > gh*, *tt > d*, m.sh. *Patrig > Pádraig*.

(k) Géilltear don nós coitianta eagarthóireachta sin, *-an > -áin*, a scríobh ag deireadh sloinnté, m.sh. *Ua Gealacan > Ó Gealacáin*.

(l) Déantar normalú ar chonsain shéimhithe a cuireadh trína chéile toisc iad a bheith ar aon fhuaim lena chéile, *bh ~ mh*, *dh ~ gh*, m.sh. *Ó Pronntuidh > Ó Pronntaigh*.

(m) Sa chás go bhfuil guta fada nó défhoghar curtha isteach ag an scríobhaí, áit a mbeifí ag súil le guta gearr agus consan stairiúil faoi shéimhiú, tugtar an litriú stairiúil, m.sh. *Ó Dáoire > Ó Daighre*.

(n) Ós rud é go mbíonn luaineacht idir consain shingile agus dhúbailte i gcás *l(l)*, *n(n)*, *r(r)*, ceartaítear iad de réir mar a thugtar iad sna foinsí clóite. Athraítear *nd > nn*.

(o) Glantar an túsconsan *c-*, *g-*, *dh-* [*sic*] sa dara heilimint de *Mhac*-shloinnté nuair nach bhfuil ann, dhealródh sé, ach scáth de *-c* deiridh na chéad eiliminte in intinn an scríbhneora, agus cuirtear ar ais ar an gcéad eilimint é

áit ar bith ar díláithríodh é, m.sh. *Mac Ceagan* > *Mac Aodhagáin*, *P. a Gabhann* > *P. Mhac Gabhann*, *S. Mhá Guidhir* > *S. Mhag Uidhir*.

- (p) Soláthraítear consain thostacha a fágadh ar lár sa scríobh, m.sh. *Mac Gionnuit(h)a* > *Mag Fhinneachta*, agus glantar consain shéimhithe ar forcheartuithe iad, nó cuirtear an (carn) consan ceart (ó thaobh na staire de) ina n-áit, m.sh. *Ó Brathaigh* > *Ó Bréaghdha*.
- (q) Fágтар séimhiú ar an eilimint deiridh i *Mac*-shloinnthe nuair atá seasamh ag an leagan sin sna lámhscríbhinní, m.sh. *Mac Bhrádaigh*.

## 2. Athruithe ar Eilimintí Eile

- (r) Ó-shloinnthe: Athraítear *Ua*, *Úa*, *a*, *Ao*, *O* > *Ó*.
- (s) *Mac*-shloinnthe: Fágтар an séimhiú ar *Mhac*-shloinnthe tar éis céadainm nuair atá cruthú againn go n-úsáideadh an scríobhaí féin an leagan sin ar bhonn rialta, m.sh. *Aodh Mhac Domhnaill*.
- (t) *Mac*-shloinnthe: Ceartaítear an nós sin *Ó*, srl. a scríobh in ionad *Mhac* (faoi shéimhiú) áit a dtosaíonn an chéad eilimint eile ar *c-*, *g-*, de réir mar a pléadh an mheancóg litrithe sin in *Ó Muirgheasa* (1933: 165 n.6; 2015: 314 n.39). Níos thar a bheith coitianta sna lámhscríbhinní é sin, m.sh. *E. a Gab[h]ain* (< *É. Mhac Gabhann*), a thugadh Edward Smyth air féin sa Bhéarla.
- (u) *Mac Giolla*: Áit ar bith a scríobhtar *Al* [nó *A* roimh eilimint deiridh dar tús *L*], *Eal*, *Eil*, *Il*, *Iol*, *Ioll*, *Gill* (< *Giolla*), ag tús na heiliminte deiridh, nó mar eilimint ar leith, soláthraítear an leagan stairiúil, m.sh. *S. Mhac*

*Iollchoilleadh > S. Mhac Giolla Choille, Brían Mac a Luain > Brian Mac  
Giolla Eoin.*

(v) *Mac Con*: Ceartaítear *M(h)ac an go M(h)ac Con(-)*, de réir mar is cuí.

### 3. Céadainmneacha

(w) De bhreis ar na rialacha a luadh thuas, (b), (d), (g), (i), ach go háirithe, géilltear do leaganacha malartacha de roinnt céadainmneacha, m.sh. *Pilib, Philip, Phillip; Seoirse, Seorsa; Feidhlim, Feidhlime, Feidhlimidh.*

(x) In ainneoin (a), scríobhtar *Séamus* i dtólamh.

(b) Meascán samplaí: Sloinnte a ndearnadh athruithe substaintiúla orthu.

1. Rinneadh ceartúcháin shubstaintiúla ar na foirmeacha seo, sa dóigh gur measadh gurbh fhearr cuid de léamha na lámhscríbhinní a thabhairt in aice leis na foirmeacha ar baineadh úsáid astu thuas, ar cheasta go bhfaighfeadh léitheoir a bheadh taobh leis na catalóga amháin saothar mór lena n-aithint anseo. Tugaim ar clé an leagan is fearr díobh siúd a tháinig i mo threo sna lámhscríbhinní, agus taobh leis sin, an leagan a úsáideadh sa chuid eile den tráchtas.

Labhrás Mhac an Alladh<sup>3785</sup>

Labhrás Mhac Con Allaidh

Brían Mac a Luain

Brian Mac Giolla Eoin

Aodh Mac Ceagan

Aodh Mac Aodhagáin

Éamonn [Augustus] Mac Naosa

Éamonn Augustus Mag Aonghusa

---

<sup>3785</sup> Nó: *M(h)ac a Nalla*. As Ráth Tó don scríobhaí seo, Labhrás Mhac Con Allaidh, agus tá nóta agam ar a shloinne i gCaib. 2.68, nóta 1350.

Seamuis Mhac Ciarnainn	Séamus Mhac Thighearnáin
Seorsa Mhac an Righdh	Seorsa Mhac Conraoi
Torrdealbhadh Mhac an Rúdh	Toirdhealbhadh Mhac Con Rubha
Eamon a Gab[h]ain	Éamonn Mhac Gabhann
Pádraig a Gabhann	Pádraig Mhac Gabhann
Séamus Ma Gabhrain	Séamus Mag Shamhradháin
Seon Mac Gabhrain	Seon Mhag Shamhradháin
Toirdhealbhadh [Mac] ol Chear	Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [1]
Toirdhealbhadh Mac ol Chear	Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2]
Seamus Mhac Iollchoilleadh	Séamus Mhac Giolla Choille
Leabhras Mac Ealairneadh	Labhrás Mac Giolla Earna
Séamus Mac Gillrói	Séamus Mac Giolla Ruaidh
Feidhlime Mac Gionnuit(h)a	Feidhlime Mag Fhinneachta
Riobhart Mac Guibhear	} Roibeard Mhag Uidhir
Riobart Mhac Dhuibhfhir	
Séamus Ua Brathaigh	Séamus Ó Bréaghdha
Tomas Ao Confuir	Tomás Ó Conchubhair
Patrig Ó Dáoire	Pádraig Ó Daighre
Séamus Ó Daolain	Séamus Ó Dobhailin
Torrde[h]ealbhadh O Dóailin	Toirdhealbhadh Ó Dobhailin
P(h)adrig a Frielldh	Pádraig Ó Faircheallaigh
Tomás Ó hÓidh	Tomás Ó hEochaidh
Peadar Ó Ruoghann	Peadar Ó Ruadháin

2. Taobh amuigh de na ceartúcháin seo, is fiú treoir a thabhairt do shloinnte nach ndearnadh ceartú orthu, de réir a gcineáil.

- (i) Géilltear d'fhoirmeacha a léiríonn malairt foghair nó forás canúna,<sup>3786</sup> nó atá spéisiúil ar dhóigh eile,

Matha Mhac Cinnéadaigh

Cormac Mac Cuan<sup>3787</sup>

Aodh Mac Conainn

Pádraig Ó Brinn, Séamus Ó Brinn

Artúr Ó Cleirceáin

Eoghan Ó Dúiche, Pádraig Ó Dúiche, Séamus Ó Dúiche

Labhrás Ó hArann

Tomás Ó hEothasaigh

Síomón Ó Macaoín

Peadar Ó Maoil Chéile

Eoin Ó Muirreadh;

nó ar a bhfuil séimhiú ar iarsma den seantuiséal tabharthach é,<sup>3788</sup>

Fiachra Mhac Bhrádaigh, Pádraig Mhac Bhrádaigh

Philip Mac Dhubhghaill, srl.

- (ii) Géilltear do na foirmeacha seo, faoi réir (*s*), diomaite de nach dtéann siad amach is amach le ceart na teanga, toisc a fhorleithne a úsáidtear iad i bhfoilseacháin,

Art Mhac Bionaid<sup>3789</sup>

---

<sup>3786</sup> Diomaite de go bhféadfaí a áiteamh go léiríonn cuid de na litrithe a luadh go dtí seo na luachanna foghair a shamhláíodh na scríobhaithe leis na litrithe sin, ní foirmeacha malartacha iad, an ní atá i dtrácht agam thuas.

<sup>3787</sup> Cormick Cowan a bhí ar an sagart seo, agus is mó ná litriú míchruinn ar *Mac Comhdháin* atá i gceist, is dóigh liom.

<sup>3788</sup> Ní thugaim aird ar an gclaoadh a bhí ag cúpla scríobhaí séimhiú neamhstairiúil a chur ar *c*, ós minic *c* agus *ch* trína chéile i dtús focail ag na scríobhaithe laga. Ní dóigh liom, mar sin, gur gá dúinn aird ar leith a thabhairt ar leithéidí *Eadhmonn Ó Chuinn*, agus scríobhaim *Ó Cuinn* dá bharr sin.

Pádraig Mhac Gatháin<sup>3790</sup>

Pádraig Mac Oghannáin<sup>3791</sup>

Seon Mhac Solaidh<sup>3792</sup>

Peadar Ó Gealacháin<sup>3793</sup>

Muiris Ó Gormáin<sup>3794</sup>

Risteard Tuibear.<sup>3795</sup>

(iii) Fágaim na sloinnte seo mar atá, ach go bhfuil sleamhnóg curtha isteach agam corráit, toisc iad a bheith bunoscionn leis an leagan stairiúil, nó de bharr nach éasca a rá goidé ba chóir a bheith ina gcionn. Tugtar an léamh bunaidh agus an fhoirm a úsáideadh,

Eoin Mhac Cadhaidh (< Eoíghen Mhac Cadhaidh)

Labhrach Mac Cdhmill

Tomás Mhac Ceitearu (< Tomas Mhac Ceteru, Tomas Mac Ceataibhru)

Proinsias Mac Conaill (< Prinsias Mac Connuill)

Toirdhealbhadh Ó Cilleáin (< Teardhealbhadh Ó Cilleán).

---

<sup>3789</sup> Féach Ó Buachalla (1979: 342), áit a bhfuil plé fada ar na foirmeacha a bhíonn aige ina chuid lámhscríbhinní, agus is mór atá eatarthu.

<sup>3790</sup> Leaganacha ar nós *Mac Gathan*, *Mac Gashan* a bhíonn aige. Tugtar sampla den litriú ceartaithe seo in Watson (1979: 190).

<sup>3791</sup> Chuaigh de Mhac Cathmhaoil (2016: 44 n.2) an leagan ceart a aimsiú, cé gur mhol sé cúpla foirm. Is fearr a d'aithneofaí an ceann thuas, má tá sé giota beag ciotach, ná aon leagan ceart anois, le bheith fírinneach.

<sup>3792</sup> Is gnáiche *Seon Mac Solaidh* i bhfoilseacháin, ach tugaim an séimhiú de réir na rialacha a leag mé amach cheana.

<sup>3793</sup> Is fearr le Peadar *Peadar Úa Gealacan*, srl., cé go scríobhann sé *Peadar Mhac Gealacan* áit amháin. Deirtear gurb é *Ó Giollagáin* an leagan ceart, ach is fearr a théann litriú Pheadair leis an bhfuaimniú áitiúil sa Bhéarla gan amhras; nár shaothar amú é litriú Pheadair a cheartú? Ní thugaim aird ar an leagan sin, \**Ó Gealacháin*, a chleachtaíonn roinnt scríbhneoirí.

<sup>3794</sup> Is sloinne ceart é seo, ach is follas ó na chéad lámhscríbhinní a ghráf Muiris gurbh fhearr *Muiris M(h)ac Gormáin* a úsáid. Ghlac sé an leagan *Ó Gormáin* chuige nuair a chuaigh sé go Baile Átha Cliath, mar a dúradh sa chuntas air i gCaib. 2.172 thuas.

<sup>3795</sup> Bíonn idir *Tuibéar*, *Tuibér*, agus *Tuibear* ag Risteard, agus marcálann cúpla scríbhneoir an síneadh fada ar a ainm; measaim gur mó atá glacadh le *Tuibear*, áfach, agus cloítear leis sin.

**Aguisín 5: Obair Gharbh na bhFigiúirí a Tugadh i gCaib. 1**

**1. Caib. 1, fig. 1. Líon na scríobhaithe a bhí bisiúil, go bhfios dúinn, do gach tréimhse cúig bliana idir 1650 agus 1904.**

	Tuaisceart	Baile Átha Cliath	Thar sáile nó i gceantar eile
1650-1654	0	0	0
1655-1659	3	0	1
1660-1664	2	0	1
1665-1669	2	0	0
1670-1674	0	0	1
1675-1679	5	0	0
1680-1684	3	0	0
1685-1689	2	0	0
1690-1694	3	0	1
1695-1699	3	0	1
1700-1704	7	0	0
1705-1709	3	3	0
1710-1714	12	3	1
1715-1719	6	1	0
1720-1724	8	1	0
1725-1729	9	1	0
1730-1734	9	0	0
1735-1739	7	3	0
1740-1744	2	2	0
1745-1749	6	2	0
1750-1754	3	1	0
1755-1759	8	0	0
1760-1764	6	1	0
1765-1769	7	1	0
1770-1774	10	1	0
1775-1779	10	2	0
1780-1784	7	2	0
1785-1789	14	2	0
1790-1794	14	1	0
1795-1799	13	0	0
1800-1804	9	0	0
1805-1809	14	1	0
1810-1814	11	0	0

1815-1819	17	0	0
1820-1824	23	1	0
1825-1829	18	1	0
1830-1834	5	0	0
1835-1839	6	1	0
1840-1844	13	1	0
1845-1849	9	3	0
1850-1854	3	1	0
1855-1859	4	0	0
1860-1864	2	1	0
1865-1869	5	0	0
1870-1874	1	0	0
1875-1879	1	0	0
1880-1884	1	0	0
1885-1889	1	0	0
1890-1894	0	0	0
1895-1899	0	0	0
1900-1904	1	0	0

Bunaíodh na huimhreacha a tugadh sa tábla go hiomlán ar líon na lámhscríbhinní a ghráf an 231 scríobhaithe a bhfuil trácht déanta orthu i gCaib. 2. Fágann sin go bhfuil na figiúirí féin giota beag bearnach ar cheithre dhóigh:

(a) Ní áirítear scríobhaithe a thagann faoi réir chritéir (i) – (v) sna Nótaí

Teicniúla, uimh. 3, a tugadh in Iml. 1. Fágann sin nach bhfuil trácht ar shaothair Con Choigcríche Uí Chléirigh agus beagán scríobhaithe eile arbh fhéarr a n-áireamh anseo, b'fhéidir.

(b) Ní chuirtear lámhscríbhinní gan síniú de chuid an cheantair seo a bhfuil dátaí

leo san áireamh, lasmuigh díobh a ceanglaíodh le duine den 231 scríobhaí i gCaib. 2. Féach, mar shampla, na lámhscríbhinní úd de chuid Cho. an Dúin a tugadh i nóta 618, toisc nach féidir iad a cheangal go foirmeálta leis an Ath. James Pulleine go fóill.



(c) I gcuid de na liostaí lámhscríbhinní, thug mé dátaí amhrasacha agus tomhaiseanna ar dhátaí scríofa idir lúibíní cearnacha agus comhartha ceiste taobh leo, m.sh. [? 1728]. Ní áirítear na dátaí amhrasacha seo, ar an ábhar sin: 1821, i gcás Thomas Corgan; 1740, Patrick Deal[ ]; 1710, Labhrás Ó Cathaláin; 1795, Mícheál Ó Cathaláin; 1758, Peadar Ó Doirnín; 1728, Muiris Ó Gormáin; 1789, Labhrás Ó hArann; 1782, Éadbhard Ó hEachaidh; 1713, Domhnall Ó Raghallaigh; 1684, Toirdhealbhadh Ó Raghallaigh. Féach, faoi seach, Caib. 2.11, 2.16, 2.124, 2.125, 2.149, 2.172, 2.178, 2.179, 2.203, 2.213.

Amanna, ní chuireann na dátaí sin leis na figiúirí ar chor ar bith, toisc go bhfuil lámhscríbhinní indátaithe ar fáil a ghráf an scríobhaí céanna sa tréimhse chéanna cúig bliana; féach, mar shampla, [? 1782] a cuireadh le LPBF 26, lámhscríbhinn de chuid Éadbhaird Uí Eachaidh, toisc go bhfuil dáta eile sa tréimhse 1780-1784 luaite le lámhscríbhinn eile dá chuid, COFLA L12. Ligeadh isteach, an dáta 1792 i gcás Thomáis Uí Dhoirnín; féach an cuntas air i gCaib. 2.150.

(d) Tá pailt tagairtí againn do lámhscríbhinní cailte a grafadh sa cheantar seo. Is féidir trí aicme a dhéanamh díobh:

- (i) tagairtí do shaothar scríobhaithe nach bhfuil fáil ar saothar ar bith eile dá gcuid, agus gan d'eolas againn ar an scríobhaí, cuid mhaith den am, ach a bhfuil sa tagairt féin;
- (ii) tagairtí ó fhoinsí nua-aimseartha (catalóga lámhscríbhinní, foilseacháin eile, páipéir scoláirí) do shaothair scríobhaithe a bhfuil

fáil ar shaothair eile dá gcuid (agus a bhfuil trácht déanta orthu i gCaib. 2, ar an ábhar sin);

(iii) tagairtí do shaothair chaillte scríobhaithe a bhfuil fáil ar shaothair eile dá gcuid, ach go dtagann na tagairtí sin ó lámhscríbhinní Gaeilge eile (m.sh. tagairtí d'eiseamláirí), srl.

Cinneadh ar thagairtí de chuid aicme (i) a fhágáil ar lár, ar an ábhar gur bunaíodh na figiúirí eile go díreach ar an 231 scríobhaí ar a ndearnadh trácht i gCaib. 2. Maidir le haicme (ii), measadh gurbh fhiú iad a chur san áireamh, ar an ábhar go bhfuil na tagairtí sin ar fáil i bhfoinsí maithe iontaofa, an chuid is mó den am, agus toisc gurb eol dúinn go raibh scríobhaithe ag saothrú leo sa cheantar darbh ainm sin. Ligeadh isteach na dátaí a thugtar sa tábla thíos. Díreach mar a chonaic muid faoi pointe (c), tarlaíonn sé amanna gur cuma cibé acu a chuireann muid nó nach gcuireann muid an tagairt san áireamh, toisc go bhfuil lámhscríbhinní againn cheana féin ó lámh an scríobhaí sin don tréimhse chéanna.

Caib.	Scríobhaí.	Dáta.	Féach:	Tréimhse dar tús:	Nótaí.
2.6	Somhairle Briosáin	1803	nóta 850	1800	Lámhscríbhinní eile uaidh don tréimhse sin.
2.36	Cú Chonnacht Mag Aodha [2]	1736	nóta 1066	1735	An rud céanna.
2.60	Cormac Mac Cuan	1720	nóta 1373	1720	An rud céanna.
2.80	Séamus Mac Giolla Chomhghaill	1868	Caib. 2.80	1865	An rud céanna. Coyle 3 a bhí uirthi.
2.80	Séamus Mac Giolla Chomhghaill	1869	Caib. 2.80	1865	An rud céanna. Coyle 4.
2.80	Séamus Mac Giolla Chomhghaill	1872-1882	Caib. 2.80	1870, 1875, 1880	Coyle 5.
2.80	Séamus Mac Giolla Chomhghaill	1889	Caib. 2.80	1885	Coyle 6.
2.80	Séamus Mac Giolla	1900	Caib.	1900	Coyle 7.

	Chomhghaill		2.80		
2.83	Séamus Mac Giolla Ruaidh	1820	nóta 1673	1820	
2.105	Peadar Mhag Uidhir	1755	Caib. 2.105	1755	Lámhscríbhinní eile uaidh don tréimhse sin.
2.106	Roibeard Mhag Uidhir	1799	Caib. 2.106	1795	
2.130	Nioclás Ó Cearnaigh	1862	nóta 2228	1860	An rud céanna.
2.137	John T. O'Clery	1848	Caib. 2.137	1845	
2.189	Séarlas Ó Luinín	1709	nóta 3273	1705	
2.210 nó 2.211	Proinsias Ó Raghallaigh	1731	Caib. 2.210	1730	
2.231	Ristead Tuibear	1742	nóta 3766	1740	

Féachaimis ar aicme (iii). Murab ionann agus aicme (ii) thuas, ba dheacra cinneadh a dhéanamh an ligfinn isteach cuid mhaith de na tagairtí seo, agus ar chúpla ábhar. Sa chéad áit, tá amhras na cumadóireachta ar chuid de na tagairtí a dhéanann scríobhaithe áirithe dá gcuid eiseamláirí, sa dóigh gur féidir linn a rá, mar shampla, nár ghraf Airtiúr Mac Airtiúir Brownlow lámhscríbhinn sa bhliain 1729, mar a thuigfí ó cholafon de chuid Airt Mhic Bhionaid, ach gur cosúil gurbh fhíor do Phádraig Mhac Gatháin, mar shampla, gur bhain sé cuid de lámhscríbhinn a bhí á grafadh aige sa bhliain 1824 as eiseamláir chailte a scríobh Aodh Ó Néill sa bhliain 1792. Cuid mhaith de na tagairtí eile, tá cuma an chruinnis agus na hiontaofachta orthu. Arís, ní bhactar ach le tagairtí don 231 scríobhaí ar scríobh mé cuntais orthu i gCaib. 2. Déantar plé ar na tagairtí sin ceann ar cheann sa tábla seo.

Caib.	Scríobhaí.	Dáta.	Féach:	Tréimhse dar tús:	Nótaí.
2.36	Énrí Mac Ardghail	1694	nóta 1066	1690	A ligean isteach.

2.41	Fiachra Mhac Bhrádaigh	1722	Caib. 2.41	1720	A ligean isteach.
2.149	Peadar Ó Doirnín	1720	nóta 2459	1720	Gan a ligean isteach.
2.149	Peadar Ó Doirnín	1730	Caib. 2.149	1730	A ligean isteach.
2.149	Peadar Ó Doirnín	1747	Caib. 2.149	1745	Gan a ligean isteach; an chuma ar an tagairt seo gur mheancóg de chineál éigin í.
2.172	Muiris Ó Gormáin	1761	nóta 2373	1760	A ligean isteach; lámhscríbhinní eile uaidh don tréimhse sin.
2.172	Muiris Ó Gormáin	1762	nóta 2373	1760	An rud céanna.
2.178	Labhrás Ó hArann	1809	Caib. 2.178	1805	A ligean isteach.
2.197	Aodh Ó Néill	1792	nóta 1519	1790	A ligean isteach.

**2. Caib. 1, fig. 2. Méid na lámhscríbhinní a tháinig slán de réir scríobhaí.**

1	Criostóir Aindreamha, Uaithne Barnhall, Michael Bennett, S[éamus] Biatach, Aindrias Briosaín, Michael Carolan, James Carroll, Edmond Carrollan, George Codan, Thomas Corgan, Eoin Cruig, Christopher Cullen, Pat Darditz, Patrick Deal[ ], Pádraig de Búrca, Tomás de la hÍd, Pádraig Dubhdal, Paul Gormley, Seoirse Haidseir, Thomas Hudson, Uilliam Jordan, James Kelly, Patrick Kelly, Maghnus Mac Amhlaobh, Donnchadh Mhac an Chléirigh, Cú Chonnacht Mag Aodha [1], Aodh Mac Aodhagáin, Éamonn Augustus Mag Aonghusa, Énrí Mac Ardghail, Fiachra Mhac Bhrádaigh, Pádraig Mhac Bhrádaigh, Pilib Mac Brádaigh, Éamonn Mhac Cába, Labhrach Mac Cdhnill, Tomás Mhac Ceitearu, Seon Mac Ciar, Brian Mhac Cionnaoith, Daniell Mac Cloye, Proinsias Mac Conaill, Aodh Mac Conainn, Eoghan Carrach Mac Conmhaoil, Seorsa Mhac Conraoi, Toirdhealbhadh Mhac Con Rubha, John McCormick, Tomás Mac Cuinneagáin, Aodh Mac Domhnaill [1], Mícheál Mhac Domhnaill, Philip Mac Dhubhghaill, Séamus Mac Duibh, Feidhlimhe Mag Fhinneachta, Cathal Mhac Gabhann, Éamonn Mhac Gabhann, Donnchadh Mac Gafraidh, Toirdhealbhadh Mac Giolla Cheara [2], Domhnall Mac Giolla Chomhghaill, Brian Mac Giolla Eoin, Seán McGonigle, Mícheál Mac Gormáin, Pádraig Mac Laoghaire, Eoin Mac Lochlainn, Seán Mac Maghnuis, Henrí Mhac Muircheartaigh, Uilliam Mac Néill, Cormac Mac Parthaláin, Maolmuire Mhac
---	--

Parthaláin, Feidhlimidh Mag Ruadhraidh, Cathal Mhac Searraigh, Nioclás Mac Síomóin, Feidhlime Mhag Uidhir, Peadar Mhag Uidhir, Patrick Mihan, John Leo Nicolas, Séamus Seán Niocláis, Séamus Ó Bréaghdha, Cormac Ó Caiside, Proinsias Ó Caiside, Tomás Ó Caoindealbháin, Brian Ó Cathaláin, Labhrás Ó Cathaláin, Mícheál Ó Cathaláin, Pádraig Ó Cathaláin, Pádraig Ó Cearbhaill, Éadbhard Ó Cearbhalláin, Philip Ó Ciarbhalláin, Toirdhealbhach Ó Cilleáin, Artúr Ó Cléirceáin, Mícheál Ó Cléirigh, Tomás Ó Cléirigh, John T. O'Clery, Aodh Ó Cobhthaigh, Mícheál Ó Collaidh, Seán Ó Conchubhair, Tomás Ó Conchubhair, Éamonn Ó Cuinn, Bearnard Ó Cuirnín, Pádraig Ó Daighre, Séamus Ó Dobhailin, Toirdhealbhach Ó Dobhailin, Séaghan Ó Donnghaile, Doiminic Ó Dubhda, Pádraig Ó Dúiche, Domhnall Ó Duinn, Seirse Ó Duinn, Pádraig Ó Faircheallaigh, Muiris Ó Fearghail, Uilliam Ó Fearghail, Baothghalach Ó Fearghusa, Séamus Ó Ficheallaigh, Eoin Ó Fionnagáin, Séamus Ó Gabhagáin, Mícheál Ó hAirt, Tomás Ó hEochaidh, Tomás Ó hEothasaigh, Peadar Ó Maoil Chéile, ——— Ó Marcaigh, Eoin Ó Mearráin, Eoin Ó Muirreadh, Art Ó Néill, Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, Seán Ó Néill, Aodh Ó Raghallaigh, Domhnall Ó Raghallaigh, Éamonn Ó Raghallaigh, Pádraig Ó Raghallaigh [1], Phillip Ó Raghallaigh, Proinsias Ó Raghallaigh [1], Proinsias Ó Raghallaigh [2], Seán Ó Raghallaigh, Toirdhealbhach Ó Raghallaigh, Peadar Ó Ruadháin, Brian Ó Ruairc, Séamus Ó Scealláin, Brian Ó Searcaigh, Pádraig Gruamdha Ó Siadhail, Séamus Ó Súilleabháin, Pól Ó Tighearnáin, Tomás Ó Tighearnáin, Mícheál Ó Tónair, Risteard Pluincéad [1], James Smyth, Owen Smyth, Tomás Stafford, L. T[uibear].

2

Mícheál Mhac an Bhaird, Pádraig Mhac an Bhaird, Cú Chonnacht Mag Aodha [2], Aodh Mhac Cába, Matha Mhac Cinnéadaigh, Labhrás Mac Domhnaill, Pádraig Mhac Gabhann, Matha Mac Giolla, Toirdhealbhach Mac Giolla Cheara [1], Séamus Mac Giolla Chomhghaill, Séamus Mag Shamhradháin, Séamus Mhac Thighearnáin, Pól Ó Briain, Pádraig Ó Brinn, Séamus Ó Brinn, Éamonn Ó Caiside, Philip Ó Caiside, Cathal Ó Cearbhalláin, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Ó Domhnaigh, Eoghan Ó Dúiche, Séamus Ó Dúiche, Seán Ó Duinn, Séamus Lom Ó Fearghail [1], Séamus Ó Gribín, Ardghal Ó hAnluain, Conchubhar Ó Luinín [2], Séarlas Ó Luinín, Art Mór Ó Murchadha, Eoghan Ó Raghallaigh, Brian Ó Tomaltaigh.

3

Proinsias Mhac an Ultaigh, Conchubhar Mhag Aodha, Eoin Mhac Cadhaidh, Séamus Mhac Giolla Choille, Brian Mag Oireachtaigh, Seon Mag Shamhradháin, Séamus Mac Síomóin, Pádraig Ó Doibhlin, Pádraig Ó Gallóglaigh, Eoin Ó Gribín, Bháitear Ó hEisleanáin, Conchubhar Ó Luinín [1], Fearghal Ó Raghallaigh, Pádraig Ó Raghallaigh [2], Séamus Ó Treasaigh, Risteard Pluincéad [2].

4

——— Crab, Seán Mac an tSaoir, Séamus Mac an Ultaigh, Séamus Ó Fearghail [2],

	Labhrás Ó hArann, Pádraig Ó hEithir, Séamus Ó Leanacháin, Síomón Ó Macaoín, Mícheál Ó Murchadha.
5	Labhrás Mhac Con Allaidh, Cormac Mac Cuan, Silbheastar Mhac Gibne, Labhrás Mac Giolla Earna, Séamus Mac Giolla Ruaidh, Roibeard Mhag Uidhir, Séamus Niocláis, Énrí Ó Caiside, Tomás Ó Doirnín, Magnus Ó Domhnaill.
6	Pádraig Mac Oghannáin, Donnchadh Mag Oireachtaigh, Éadbhard Ó hEachaidh, Pádraig Ó Luain, Aodh Ó Néill.
8	Pádraig Mhac Gatháin, Toirdhealbhadh Mhag Uidhir.
9	Seán Ó Cléirigh.
10	Somhairle Briosáin, Henrí Mac an tSaoir, Matha Mórdha Ó Graeme.
11	Aodh Mhac Domhnaill [2], Pádraig Ó Pronntaigh.
12	Peadar Dubh Ó Dálaigh.
15	Séamus Bacach Mhag Uidhir.
16	Pádraig Ó Loingsigh.
22	Peadar Ó Gealacháin.
25	Art Mhac Bionaid.
31	Seon Mhac Solaidh.
35	Risteard Tuibear.

37

Nioclás Ó Cearnaigh.

112

Muiris Ó Gormáin.

**3. Caib. 1, fig. 3. Tábla de scríobhaithe a bhfuil againn níos mó ná cúig lámhscríbhinn an duine uathu.**

Féach 2.

**4. Caib. 1, fig. 4. Rátaí cóipeála in DE Gen. 43D.**

Féach na colafoin in Ó Tuathail (1931; 1932), agus in Aguisín 13.

**5. Caib. 1, fig. 5: Slite Beatha.**

Baineann na scríobhaithe a bhfuil réiltín lena n-ainmneacha leis an dara colún

figiúirí, .i. iad siúd a bhí bisiúil roimh an 19ú hAois.

**Máistir Scoile / Oide Múinte, 36 [9]**

Michael Carolan, ——— Crab,\* Eoin Cruig, Uilliam Iordan, Art Mhac Bionaid, Aodh Mhac Cába, Tomás Mhac Ceitearu, Aodh Mhac Domhnaill [2], Pádraig Mhac Gabhann, Pádraig Mhac Gatháin, Silbheastar Mhac Gibne, Séamus Mac Giolla Chomhghaill, Pól Ó Briain,\* Séamus Ó Brinn, Philip Ó Caiside,\* Proinsias Ó Caiside,\* Nioclás Ó Cearnaigh, Cathal Ó Cearbhalláin, Éadbhard Ó Cearbhalláin, Éamonn Ó Cuinn, Peadar Dubh Ó Dálaigh, Peadar Ó Doirnín,\* Eoghan Ó Dúiche, Seán Ó Duinn, Pádraig Ó Faircheallaigh, Séamus Ó Fearghail [2], Séamus Ó Ficheallaigh, Eoin Ó Fionnagáin, Peadar Ó Gealacáin, Muiris Ó Gormáin,\* Tomás Ó hEochaidh,\* Pádraig Ó Loingsigh,\* Síomón Ó Macaoín,\* Art Mór Ó Murchadha, Pádraig Ó Raghallaigh [2], Mícheál Ó Tónair.

**Uiséir Scoile, 1 [0]**

Brian Mhac Cionnaoith.

**Cléireach (Sagart, srl.),<sup>3796</sup> 24 [21]**

Caitliceach 22 [19]—George Codan,\* Pat Darditz,\* Paul Gormley,\* Seán Mac an

<sup>3796</sup> Is doiligh a dhéanamh amach gur shagairt nó gur bhráithre iad Cormac Mac Parthaláin, Eoin Ó Gribín, agus Pól Ó Tighearnáin.

tSaoir,* Énrí Mac Ardghail,* Cormac Mac Cuan,* Séamus Mac Síomóin,* Pól Ó Briain,* Pádraig Ó Brinn,* Brian Ó Cathaláin,* Labhrás Ó Cathaláin,* Artúr Ó Cléirceáin,* Tomás Ó Cléirigh,* Maghnus Ó Domhnaill,* Séaghan Ó Donnghaile,* Séamus Ó Dúiche, Muiris Ó Fearghail,* Pádraig Ó Luain, Eoin Ó Muirreadh, Feidhlimidh Ruadh Ó Néill,* Séamus Ó Scealláin,* Risteard Pluincéad [1].* Preispitéireach 2 [2]—Aindrias Briosáin,* Uilliam Mac Néill.*
<b>Cléireach (Scribhneoir),<sup>3797</sup> 3 [1]</b> Uilliam Jordan, Henrí Mac an tSaoir*, Seán Ó Cléirigh.
<b>Feirmeoir / Scológ,<sup>3798</sup> 7 [1]</b> Uilliam Jordan, Éamonn Mhac Cába, Proinsias Mac Conaill,* Tomás Ó Conchubhair, Séamus Ó Dobhailin, Pádraig Ó Faircheallaigh, Brian Ó Searcaigh.
<b>Díoltóir Mionearraí, 1 [0]</b> Criostóir Aindreamha.
<b>Poitigéir, 2 [0]</b> Somhairle Briosáin, Séamus Mhac Giolla Choille.
<b>Ealaíontóir, 1 [0]</b> Brian Ó Tomaltaigh.
<b>Díoltóir Leabhar, 1 [0]</b> Brian Mag Oireachtaigh.
<b>Báicéir, 2 [0]</b> Uilliam Jordan, Éamonn Augustus Mag Aonghusa.
<b>Saor Cloiche, 2 [0]</b> Art Mhac Bionaid, Tomás Mhac Ceitearu.
<b>Bailitheoir Deachúnaithe / Rátaí, 2 [0]</b> Tomás Mhac Ceitearu, Séamus Mac Giolla Chomhghaill.
<b>Lia (Traidisiúnta), 5 [5]</b> Cormac Ó Caiside,* Éamonn Ó Caiside,* Énrí Ó Caiside,* Baothghalach Ó Fearghusa,* Pádraig Gruamdha Ó Siadhail.*
<b>Innealtóir, 1 [0]</b> Matha Mórdha Ó Graeme.
<b>Póilí (R.I.C.), 1 [0]</b> Owen Smyth.
<b>Oibrí, 2 [0]</b> Aodh Mhac Domhnaill [2], Peadar Ó Gealacáin.
<b>Ollamh, 2 [1]</b> Pól Ó Briain, Cathal Ó Luinín.*
<b>Gabha Dubh 1 [0]</b> Mícheál Mhac an Bhaird.

<sup>3797</sup> Níl sé soiléir gur chléireach é Seán Ó Néill (*q.v.*).

<sup>3798</sup> Cuirtear san áireamh anseo Proinsias Mac Conaill, a thug ‘yeoman’ air féin. Scológ, seachas ball den bhuíon mhíleata atá i gceist anseo, gan amhras.



## 6. Caib. 1, cuid 1.3: *Stádas pósta na scríobhaithe.*

### **Scríobhaithe a raibh muirín acu [36]**

Criostóir Aindreamha, Aindrias Briosáin, Somhairle Briosáin, Pádraig de Búrca, Uilliam Iordan, Mícheál Mhac an Bhaird, Éamonn Augustus Mag Aonghusa, Art Mhac Bionaid, Fiachra Mhac Bhrádaigh, Tomás Mhac Ceitearu, Aodh Mhac Domhnaill [2], Silbheastar Mhac Gibne, Matha Mac Giolla, Séamus Mac Giolla Chomhghaill, Uilliam Mac Néill, Brian Mag Oireachtaigh, Toirdhealbhadh Mhag Uidhir, Séamus Ó Brinn, Proinsias Ó Caiside, Cathal Ó Cearbhalláin, Seán Ó Cléirigh, Tomás Ó Conchubhair, Peadar Dubh Ó Dálaigh, Séamus Ó Dobhailin, Pádraig Ó Domhnaigh, Pádraig Ó Faircheallaigh, Eoin Ó Fionnagáin, Peadar Ó Gealacháin, Matha Mórdha Ó Graeme, Pádraig Ó Loingsigh, Art Mór Ó Murchadha, Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, Pádraig Ó Pronntaigh, Eoghan Ó Raghallaigh, Toirdhealbhadh Ó Raghallaigh, Brian Ó Searcaigh, Risteard Tuibear.

### **Scríobhaithe a bhí pósta ach nach eol dúinn muirín a bheith acu [3]**

——— Crab, Séamus Mhac Giolla Choille, Eoin Ó Mearráin.

### **Scríobhaithe a bhí ina sagairt Chaitliceacha nó ina mbráithre [22]**

George Codan, Pat Darditz, Paul Gormley, Seán Mac an tSaoir, Énrí Mac Ardghail, Cormac Mac Cuan, Séamus Mac Síomóin, Pól Ó Briain, Pádraig Ó Brinn, Brian Ó Cathaláin, Labhrás Ó Cathaláin, Artúr Ó Cléirceáin, Tomás Ó Cléirigh, Magnus Ó Domhnaill, Séaghan Ó Donnghaile, Séamus Ó Dúiche, Muiris Ó Fearghail, Pádraig Ó Luain, Eoin Ó Muirreadh, Feidhlimidh Ruadh Ó Néill, Séamus Ó Scealláin, Risteard Pluincéad [1].

### **Scríobhaithe ar soiléir nár phós siad riamh [5]**

John T. O’Clery, Seán Ó Duinn, Muiris Ó Gormáin, Brian Ó Tomaltaigh, Owen Smyth.

## **Aguisín 6: Tagairtí eile do Chríostóir Aindreamha**

Is féidir tátal a thabhairt ar an méid eolais a tugadh cheana ar Chríostóir Aindreamha, mar chuid den phlé air i gCaib. 2.1 thuas. Dúradh cheana gur dóigh gurb ionann é, agus táim suite de gurb ionann, agus Christopher Andrews, an té a bhí ina dhíoltóir mionearraí ag Geata Shráid na gCapall i nDroichead Átha ag tús na 19ú hAoise, mar gheall ar chuntais airgid a thugtar ina lámhscríbhinn. Is i dtaifid an Presentation Girls' School (1822-1839) a fhaigheann muid an tagairt seo don díoltóir earraí, agus dá infon Mary Andrews a chuaigh isteach sa scoil sin sa bhliain 1831, in aois a 13 bliana.

Tá cláir baistí an pharóiste ina bhfuil Geata Shráid na gCapall, .i. Paróiste Pheadair, Droichead Átha, iontach doiléir agus bearnach, sa dóigh nach bhfuil taifid bhaiste ar chor ar bith againn don tréimhse idir na blianta 1804 agus 1815, agus tá cuid mhaith de na taifid do na blianta a leanann sin iontach doiléir agus doléite. Fágann sin gurbh éasca dul thar thagairtí don teaghlach sna cláir. Fuarthas na sonraí seo a leanas iontu i dtaobh Christopher (Kit) Andrews éigin a bhí ag cur faoi sa pharóiste sin,

1. '7<sup>th</sup> [Eanáir 1816]. B<sup>d</sup> Peter S: Christ<sup>f</sup> Andrews & Nancy Moran. S.S: Jos Cam<...> & M: Finegan'.
2. '22 [Márta 1819]. Pat Andrews. P.P. Kit [Andrews], Anne M(~~a~~)oran. S.S. Thos Finigan, Eliza Quigley'.
3. '6<sup>th</sup> [Meán Fómhair 1823]. William Andrews of Christopher [Andrews] & Anne Moore [*sic*]. S.S. Patk Finnegan & Eliza Ennis. [£ 0.] 2. 6'.<sup>3799</sup>

---

<sup>3799</sup> Tugadh iad seo cheana i gCaib. 2.1, nóta 825.

Cé nach féidir liom teacht ar thaifead baiste a léiríonn go raibh iníon ag an duine seo darbh ainm Mary, is dóigh gurb ionann Kit na dtaifead thuas agus an té a raibh siopa aige ag Geata Shráid na gCapall. Do thagairtí do Christopher Andrew a baisteadh sa pharóiste sin sa bhliain 1764, féach an bheathaisnéis a scríobhadh air i gCaib. 2.1 thuas. Ní thabharfar aird ar an taifead sin anseo, ach ar thagairt do Christopher Andrew(s) ó Dhroichead Átha a fuair bás i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1860, d'fhéachaint an ionann é agus an scríobhaí seo againne.

I gcláir adhlacthaí Reilig Ghlas Naíon, gheofar iontráil i dtaobh Christopher Andrews éigin ó Shr. Thomáis, Baile Átha Cliath, a cuireadh i dtalamh i mí na Samhna 1860. Bhí sé 85 bliana d'aois ar uair a bháis. Foilsíodh fógraí báis ar pháipéir nuachta éagsúla i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath, agus deirtear sa chuntas is iomláine acu sin, an ceann a cuireadh i gcló ar an *Evening Freeman* (Baile Átha Cliath) an 26 Samhain 1860, go raibh cónaí air ag 71 Sr. Thomáis, Baile Átha Cliath, go raibh iníon aige a bhí pósta le John Hickey ar thobacadóir é, agus gur 'Drogheda-man' é Christopher é féin, a bhain le teaghlach measúil de chuid an bhaile sin, ní a thabharfadh le fios dúinn gur den mheánaicme é. Bheadh sé ar comhaois, a bheag nó a mhór, leis an scríobhaí, mar sin.

I gcláir Pharóiste San Cairtríona, Baile Átha Cliath, tá tagairtí do John Hickey agus a bhean Anne Andrews. Cuimhneofar air gurb í Anne an t-ainm a bhí ar bhean an fhir sin, Kit Andrews, a bhfuil tagairtí dá chlann i gcláir baistí Pharóiste Pheadair, Droichead Átha. Cé nach féidir teacht ar thagairt d'iníon darbh ainm Anne a bheith ag an duine sin Kit i gcláir Dhroichead Átha, tá bearnaí móra iontu, mar a dúradh cheana, idir na blianta 1795 go 1803 agus 1804 go 1815, agus cuid mhaith dá bhfuil fágtha de na taifid don tréimhse 1815-1842, tá siad geall le bheith doléite anois. Is i ndiaidh na dara bearna sin (1804-1815) go díreach a thagann muid ar an gcéad

pháiste de chuid Kit Andrews agus Anne Moran, Peter, a baisteadh, mar a dúradh cheana, in 1816; agus níl taifead pósta sna cláir atá againn i dtaobh Kit agus Anne. Luíonn sé le céill go bhféadfadh sé gur rugadh páistí eile dóibh sna blianta nach bhfuil taifid againn dóibh, mar sin. Ós rud é gur tháinig an páiste is sine le Anne Andrews (bean John Hickey) ar an saol in 1837, Joseph Hickey, agus gur rugadh an páiste deiridh léi sa bhliain 1851, is féidir gur rugadh Anne Andrews í féin le linn na mblianta nach bhfuil taifid bhaiste ar fáil dóibh i nDroichead Átha, ní a mhíneodh dúinn, b'fhéidir, an fáth nach bhfuil tagairt dá breith againn áit ar bith. Fágann sin muid taobh le taifid Bhaile Átha Cliath leis an scéal a shoiléiriú.

Chuaigh díom teacht ar thaifead pósta do John Hickey agus Anne Andrews i dtaifid Bhaile Átha Cliath—b'fhiú a lua go bhfuil an clár i bParóiste Pheadair, Droichead Átha, a chlúdaíonn lár na 1830í bearnach agus na leathanaigh as ord go mór—ach tá taifid bhaiste a gcuid páistí i gCláir na mBaistí, *Paróiste San Cairtriona*, 1822-51; 1834-52.<sup>3800</sup> Joseph Hickey (a baisteadh an 3 Feabhra 1837); Mary Hickey (a baisteadh an 1 Márta 1840); Martha Hickey (a baisteadh an 9 Eanáir 1842); Agnes Hickey (a baisteadh an 22 Eanáir 1843); Elizabeth Hickey (a baisteadh an 4 Deireadh Fómhair 1846); Catharine Hickey (a baisteadh mí na Samhna 1848); Johannah Frances Hickey (a baisteadh an 16(?) Márta 1850); agus John Thomas Hickey (a baisteadh an 30 Samhain 1851).

Fágann sin trí chúram orainn: (1) a dheimhniú gurbh ionann an John Hickey a luaitear san fhógra báis agus an duine darbh ainm sin ar thug a bhean saol do na páistí thuas idir na blianta 1837 agus 1851—ní a léireodh go bhfuil na taifid thuas bailí, agus go raibh iníon ag Christopher an fhógra darbh ainm Anne, mar a áitíodh

---

<sup>3800</sup> Tá baisteadh Joseph Hickey i gClár na mBaistí, *Paróiste San Cairtriona*, 1834-52, agus an chuid eile i gClár na mBaistí, *Paróiste San Cairtriona*, 1822-51.

thuas; (2) go raibh an Christopher seo pósta le bean darbh ainm Anne Moran, ní a ligfeadh dúinn eisean a cheangal leis an bhfear sin Kit a luaitear i gcláir baistí Dhroichead Átha; (3) go raibh mic darbh ainm Peter, Patrick, agus William aige chun na críche céanna agus (2) thuas; agus (4) go raibh ceangal aige le lámhscríbhinní Gaeilge.

Tugaimis aghaidh ar an gcéad phointe thuas. Ar dhul trí chlár na bpóstaí i bparóiste San Caitríona, tháinig mé ar thaifead a léiríonn gur pósadh Mary An[n]e Hickey, iníon John Hickey agus Anne Andrews, sa bhliain 1868.<sup>3801</sup> In 71 Sr. Thomáis a bhí cónaí uirthi agus ar a tuismitheoirí an tráth sin; agus tá taifead i gcláir an pharóiste de phósadh iníne eile leo nach bhfuil trácht uirthi sna cláir baistí, go bhfios dom, Bridget Hickey, iníon John Hickey agus Anne Andrews, a pósadh sa bhliain 1863.<sup>3802</sup> Is leor sin lena léiriú go bhfuil an John Hickey ceart againn anseo, agus go raibh iníon ag an Christopher a fuair bás an 25 Samhain 1860 darbh ainm Anne. Tá a fhios againn cheana féin, ón bhfógra báis, gurbh as Droichead Átha do Christopher, ach ó tharla gur dhuine de na finnítithe í Bridget Healy ó Dhroichead Átha ag pósadh Bridget Hickey sa bhliain 1863, tá leid mhaith eile againn go raibh ceangal seanbhunaithe ag Christopher an fhógra leis an mbaile.

Ar an 22 Meán Fómhair 1856, phós Patricius Andrews ó 20 Boot Lane, Baile Átha Cliath, mac Christophori et Annae Andrews, le hAnna Joanna O'Callaghan<sup>3803</sup> i bparóiste San Michin. Cé nach dtugtar sloinne breithe a mháthar, ní a ligfeadh dúinn freagra deimhnitheach a thabhairt ar phointe (2), ar dhóigh amháin nó eile, deirtear, mar a chonacthas thuas, gurbh iad—ag fágáil réidh leis na leaganacha Laidine—

---

<sup>3801</sup> *Clár na bPóstaí, Paróiste San Caitríona*, 1857-73. Ar an 29 Meán Fómhair 1868 a pósadh Mary An[n]e Hickey le James McMullen ó 133 Sr. Eachroma. Ba as Dún Geanainn dá tuismitheoirí. Iníon le John [Hickey] agus Anne Andrews ó 71 Sr. Thomáis a bhí in Mary An[n]e Hickey.

<sup>3802</sup> *Clár na bPóstaí, Paróiste San Caitríona*, 1857-73. Pósadh Brigida Hickey ó 71 Sr. Thomáis le Joannes Sergeant ó 87 Sr. Thomáis an 21 Bealtaine 1863.

<sup>3803</sup> *Clár na bPóstaí, Paróiste San Michin*, 1856-70. Féach na sonraí thuas.

Christopher agus Anne Andrews a thuismitheoirí, go raibh Anne marbh (‘mortua’), agus go raibh cónaí ar Christopher ag 71 Sr. Thomáis sa chathair sin.

Tharlódh sé gurb ionann an Christopher a fuair bás sa bhliain 1860 agus an Kit i gcláir Dhroichead Átha, tharla go raibh mac darbh ainm Patrick agus bean darbh ainm Anne aige. Agus tá taifead spéisiúil eile ann, gur phós William Andrews—cuimhnítear air go raibh mac ag Kit Andrews darbh ainm sin—Cath Monks ar an 10 Márta 1849<sup>3804</sup> i bparóiste Naoimh Míchéal agus Eoin, Catherine Hickey agus Mary Burke i láthair; agus gur baisteadh sa pharóiste sin, ar an 20 Márta 1855, Christopher Joseph Andrews, mac le William agus Catherine Andrews.<sup>3805</sup> Ba iad Michael Hickey agus Mary Anne Hickey na carais Chríost. Tá sé fós le deimhniú, áfach, go raibh ceangal ag Christopher an fhógra le léann na Gaeilge.

Ag cur na dtairfead neamhiomlán seo le chéile, is dócha gur féidir an Christopher Andrews a fuair bás i mBaile Átha Cliath an 25 Samhain 1860 a aithint leis an Christopher (Kit) Andrews a raibh cónaí air i bParóiste Pheadair, Droichead Átha, idir na blianta 1816 agus 1823, agus gurb ionann é, dá bharr sin, agus an scríobhaí seo. Is féidir go dtugann an méid sin míniú éigin ar na seoltaí i mBaile Átha Cliath atá luaite i gcúpla áit sa lámhscríbhinn sin ARÉ 3C4ii (1019), ach níor mhiste a mheabhrú gur fágadh an lámhscríbhinn féin i nDroichead Átha, óir bhí sí sa bhaile sin i gcnuasach Bhriain Uí Thomaltaigh chomh mall leis an mbliain 1840.

---

<sup>3804</sup> *Clár na bPóstaí, Paróiste Naoimh Míchéal agus Eoin*, 1833-51. Ós rud é gur pósadh iad sular tosaíodh ar chlár nua-aimseartha póstaí (iad siúd a bhíonn leagtha amach i gcolúin), níl taifead sa chlár ar thuismitheoirí Patrick Andrews ná Catherine Monks, ach féach ainm an mhic a rugadh dóibh thuas.

<sup>3805</sup> *Clár na mBaistí, Paróiste Naoimh Míchéal agus Eoin*, 1851-57. Níor bacadh le sloinne breithe na máthar a thabhairt, laige a fheictear go minic i gcláir Chaitliceacha Bhaile Átha Cliath, an áit ar mhó ba ghá iad sa tír. Ní heol dom gur rugadh páiste ar bith eile dóibh.

### Aguisín 7: Lámhscríbhinn Christopher Cullen agus an *English Character*

Más fíor nár dhulta do dhuine isteach sa cheist seo gan staidéar domhain a bheith déanta aige roimh ré, is dóigh gur leor don léitheoir an meascán seo samplaí thíos lena shásamh ar an gceist áirithe a tógadh anseo, .i. gur leis an Tuaisceart a bhaineann an lámhscríbhinn seo. In ainneoin an píosa seo a bheith scríofa san *English character*, is soiléir gur chaith an scríobhaí a dhúthracht lena chanúint féin a cheilt, agus fuaimeanna ‘cearta’ a thabhairt ina leagan den téacs; féach go mbíonn *v* scríofa aige i gcinnteacht beagnach áit a mbeifí ag súil le *w* i gcanúint Ultaigh, ach tá cúpla leid ann go raibh sé á dhéanamh sin go meicniúil. Ábhar spéise an litriú neamhstairiúil *mar love seere* (44*d*; ‘mar luach saothair’); féach go scríobhann Brian Ó Tomaltaigh (*q.v.*) *lowe* faoi thrí in Williams (1969-70: 314-15). Cé go dtuigfí as a rialta a scríobhann Christopher *-augh* le *-ach* a léiriú go gcaithfidh sé go ndeireadh sé [-əx, -ax], tá sampla amháin sa téacs ina n-úsáidtear é ar bhealach nach bhfuil ceart ó thaobh stair na teanga de—*naugh brehu hug a brehunis egart* (30*c*; ‘na breithimh a thug a’ breitheamhnus éigceart’). Méadaíonn líon na bhfoirmeacha canúna i dtreo dheireadh an dáin, ionann is go raibh Christopher ag éirí tuirseach den Ghaeilge a cheartú. Ní eile—is ar éigean is féidir nach raibh sé in inmhe an ortagrafaíocht thraidisiúnta a thuiscint, nó b’fhéidir a scríobh, go measartha maith, nó ní bheadh ar a chumas an t-eochairfhocal ‘Íosa’ a scríobh go beacht mar *Iosa* áit amháin (65*a*) sa téacs.

(a) Cúrsaí foghair,

1. *-aithe* > *-aí*: *nocty* (37*d*; ‘nochtaithe’).
2. *-all* > *-áll*: *anaul* (18*a*; ‘anall’—féach *le faul* ‘le faghail’, 21*d*).

3. *-adh* > *-u*: (a) Ainmfhocal—*cogu* (17c; ‘cogadh’); srl., (b) Ainm Briathartha—*epleascue* (22a; ‘a’ pléascadh’); srl., (c) Saorbhriathar—*gaugh duinne dar guinnu* (26b; ‘gach duine dár gineadh’); *rugu* (55b; ‘[a] rugadh’); *curru* (65a; ‘cuireadh’).
4. *-amh* > *-a*, *-u*: *do yenu, yena* (13a, 36b; ‘do dhéanamh’); *o Ava* (29c; ‘ó Ádhamh’); *folu* (36b; ‘folamh’ [?’folmha’]); *etalu* (54d; ‘a’ talamh’).
5. *-amh-* > *-ú-*: In ainneoin gur dócha go bhfuil sampla maith amháin de *-amh-* > *-ú-* sa téacs, *brehunis* (30c; ‘breitheamhnas’), tá sé le tuiscint as litriú eile go raibh claonadh aige, b’fhéidir *-f-* a dhéanamh de *-th(e)amh-*, *mofnis* (25d; ‘maitheamhnas’)—féach an leagan atá ag Brian Ó Tomaltaigh—*a laifnis Dea* (‘a fhlaitheamhnais Dé’, ARÉ 3C4i (b) (1018), mír 13).
6. *ao*: [e:] go minic, is dóigh, ach féach na samplaí seo a thabharfadh le fios go ndeirtí *ao* mar [i:] iontu—*deera* (43b; ‘daora’); *neefa* (44a; ‘naofa’); *seere* (44d; ‘saothair (gin.)’); agus *ion* (65d; ‘aon’). Féach *eg an dive* (22d; ‘ag a’ n díobh’).
7. *aoi*: [i:] mar riail.
8. *mh* [w]: *awaigh* (34b; ‘a’ mhaith’), srl.
9. *-óg* > *-oc*: *pucock* (30b; ‘pucóg’).
10. *-th-* >  $\emptyset$ : *mar love seere* (44d; ‘mar luach saothair’); *arry* (67a; ‘aithrige’).
11. *-th’-* > *-ch’-*:  $\gamma$  *naugh er chreighme* (35d; ‘ $\gamma$  nachar thréig mé’).

(b) Foirmeacha deilbhíochta

1. Réamhfhocal agus an tAlt—meascán mearaí sa dóigh go bhfuil *dan gre* (11b; ‘den gcré’) agus eile taobh le leaganacha ar nós *er eteal me* (38d; ‘ar a’ tsaol mé’).
- Claonadh éigin ag an scríobhaí gan urú a chur ar *g-*, agus ní minic a mharcáiltear go soiléir séimhiú air fosta, *don gady* (66d; ‘don g[h]adaí’).



2. Briathra—féach na foirmeacha seo—*a dinick* (29*c*; ‘a dtáinic’); *rin* (30*b*; ‘rinne’); *augh tiffi sivsi* (32*a*; ‘ach tchífídh sibhse’)’ *bei* (34*a*; ‘beidh’); *dirfarse loafa* (35*c*; doiléir—bheifí ag súil le ‘déarfaidh sé leofa’ ón gcomhthéacs ina dtugtar é); *mor hanikedir* (46*c*; ‘mar thángadar’); *ni acky* (49*a*; ‘ní fhacaidh’); *nir couly* (49*b*; ‘níor chualaidh’); *cha nil* (53*d*; ‘chan fhuil’); *rinnee* (66*d*; ‘rinnidh’ .i. ‘rinne’).
3. Clásal Coibhneasta—*nouir fa rahi* (43*a*; ‘nuair fá rachaidh’); *go de yenismid* (66*b*; ‘goidé a dhéanfas muid’).
4. Forainmneacha Réamhfhoclacha—*loif* (25*c*; ‘leof’); *oku* (31*d*; ‘acu’); *loafa* (35*c*; ‘leofa’).
5. Ainmfhocail—(1) Tuiseal Ain. / Cusp. Iolra—*do vaugh* (4*c*; ‘do bha’); *cravogy* (15*d*; ‘cnámhógaí’); *playe* (18*c*; ‘pláighe’); *na heanly* (22*c*; ‘na héanlaith’); *brehu* (30*c*; ‘breithimh’—sampla maith de *-u* san iolra); (2) Tuiseal Tabh. Iolra in áit an Tuisil Ghin. Iolra—*a Righ na Righaiv* (54*a*; ‘a Rí na Ríoghaibh’).

(c) Foirmeacha Foclóra agus eile—*le retaught* (16*b*; ‘le réiteach’); *fost* (22*c*; ‘fós’); *da ratie loif* (25*c*; ‘dá ráitigh [.i. rá] leof’); *E[e]se Christe* (32*b*; ‘Íosa Chríosta’); *tinney* (36*a*; ‘tinidh’); *lobey* (36*a*; ‘leabaidh’); *croan* (65*a*; ‘coróin’); *ariv* (65*c*; ‘ariamh’); *na darmid sin* (65*d*; ‘ná dearmad [= 2ú p. ua, Modh Ordaitheach] sinn’). Déantar plé ar chuid mhaith de na focail seo in O’Rahilly (1932): féach innéacs Bhriain Uí Chuív in atheagrán na bliana 1972.

## **Aguisín 8: Cúram Airt agus Mháire Mhic Bhionaid**

*Tugtar thíos eolas breise ar bhaill de theaghlach Airt agus Mháire a ndearnadh trácht orthu i nótaí 1140-1145 thuas, agus míniú ar dháta báis Mháire, mar a tugadh é i nóta 1232.*

Táthar á n-áiteamh le fada gur rugadh seisear clainne d'Art agus do Mháire, mic darbh ainm Peter agus John; agus ceathrar iníonacha, Katie, Ally, cailín a fuair bás go hóg, agus cailín a d'imigh go Meiriceá. Is é an cuntas is fearr atá againn ar chlann Airt agus Mháire, ó tharla go bhfuarthas é ó bhéal seanfhir a raibh aithne aige ar Art agus ar chuid dá shliocht, is dóigh, an ceann a fuair an tAth. Seán Ó Néill, S.P. an Mhullaigh Bháin, ó Owen McParland ó Achadh an Dá nUaimh. Rugadh Owen McParland sa chomharsanacht sin, de réir litir an Ath. Seán Ó Néill, i mí Lúnasa 1866 [? 1868].<sup>3806</sup> Foilsíodh dhá litir ón sagart seo in Ó Muirí (1994: 11-14), agus is í an chéad litir, an ceann a scríobhadh an 12 Nollaig 1956, an litir is tábhachtaí. Tabharfar an chéad leath di ina hiomláine anseo, as leagan Uí Mhuirí (1994: 11-12),

Mullaghbawn, Newry, Co. Down, 12th Dec. '56

A Sheumais, a Chara,

Owen Mc Parland, district of Adanove, Mullaghbawn, now 90 yrs of age last August, remembers Art Bennett. Art was a stone mason by trade and lived in the district of Ballykeel. His house consisting of a room and kitchen is still standing. Art was married and had four children, two boys Peter and John, and two girls, Catherine and Anne. Peter, who was married, was drowned near his own home in Ballykeel returning from the Patron of Killeavey. John emigrated and was never heard of. Peter, Art's son, had four children, viz. Arthur, John, Peter and Patrick. Owen Mc Parland mentioned above, was at school in Mullaghbawn with these boys. Owen Mc Parland with his mother was at Art's wake. Irish was the language of the wake house. Art had a great reputation for learning, spent all his spare money on books and was the only man in the neighbourhood to get a weekly paper which he read for the

---

<sup>3806</sup> Féach, dá dháta breithe, an litir thuas agus nóta 3824.

neighbours in Paddy O'Hanlon's, Mullaghbawn. Both Catholic and Protestant clergymen patronised him and advanced him money for books. Art was considered a first class mason. Many of the dwelling houses and out-houses still standing in the parish were built by him. It was Art who built Belleek Chapel and was attended by his two daughters. They walked to Belleek, a distance of 5 miles, in the morning and returned on foot in the evening. Art also worked in England.

Léitear Alice in ionad Anne. De bhreis ar an méid seo, is eol dúinn, ó litir de chuid Airt, go raibh iníon eile aige a fuair bás sa bhliain 1846, agus chuala Céitinn (1979: 2) scéalta faoi iníon eile a d'imigh go Meiriceá tuairim na bliana 1842. Taobh amuigh de sin, agus an méid de a bhaineann le Peter Bennett, tá an chuma ar scéalta Owen McParland go bhfuil siad thar a bheith cruinn, agus bhí an t-ádh ar an Ath. Seán Ó Néill bualadh leis. Scéal eile ar fad na traidisiúin a bhaineann le Peter Bennett ach go háirithe. I gcuid mhaith de na cuntais a foilsíodh ar Art, faigheann muid tagairtí den chineál seo don chlann a rugadh dó agus dá bhean,

Fuair bean chéile Airt bás agus chaith sé blianta deiridh a shaoil sa teach a thóg sé féin ar an Bhaile Caol agus a bheirt iníon, Katie agus Ally, ag tabhairt aire dó. ... Bhí seisear páistí ina theaghlach, beirt ghasúr agus ceathrar cailín. Bádh a mhac Peadar agus d'imigh an mac eile, Seán, go Learpholl. Chuaigh iníon amháin eile go Meiriceá agus fuair iníon eile bás go hóg. Chónaigh an bheirt eile gan pósadh i dteach a n-athar.<sup>3807</sup>

Leagan eile den scéal céanna ag Ní Uallacháin (2003: 162-3), a léiríonn go maith an scéal coiteann a insítear i dtaobh bhás Airt:

... a daughter of ... Art Bennett ... who left her home for America in 1842. She had three sisters. One of them died in February 1846 during the great famine ... his two remaining daughters ... [o]ne of them was later hired out in Lisburn in 1849. These two remaining daughters, Ally and Katie, ... remained unmarried, caring for their father in his latter years until his death in March 1879. Though Bennett had six children, a local man, Owen McParland of Adanove, Mullaghban, ... recalled in 1956 that Bennett had only four children – two boys and two girls. However, he had four daughters – one who had died and the other daughter who had left home pregnant, who, in a sense, was

---

<sup>3807</sup> Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 25, 27).

dead too. She did not exist in the memory of her own community. Her name and what became of Art Bennett's daughter is still unknown.

Fágann sin go bhfuil tuairim againn gur rugadh seisear d'Art agus do Mháire, agus gur féidir iad a phlé i ndiaidh a chéile thíos, agus bean Airt ina dhiaidh sin. Is é an donas nach dtosaíonn cláir baistí an pharóiste, Foirceal, go dtí an bhliain 1845, agus nach bhfuil seans ar bith againn, dá bhrí sin, teacht ar liosta cruinn de chlann Airt agus Mháire. Beidh orainn dul ar seachrán, mar sin, agus scrúdú géar a dhéanamh ar na taifid a cuireadh le chéile sa dara leath den 19ú hAois le tuairim a fháil ar chlann Airt, nó ar chuid acu, chomh fada agus is féidir. Ní bheifear in ann liosta iomlán a sholáthar go deo, mura bhfaightear a leithéid i lámhscríbhinn de chuid Airt, nó i dtaifid riaracháin nár scrúdaíodh go fóill.

Is iad na taifid is leanúnaí agus is iomláine atá againn ar áititheoirí an Bhaile Chaoil sa dara leath den 19ú hAois an cuntas a thugtar orthu i *Luacháil Griffith* (1864), taobh leis na hathruithe a rinneadh air sin gach cúpla bliain sna *Cancelled Land Books* atá ar coimeád in PRONI.<sup>3808</sup> Níor priontáladh luacháil Cho. Ard Mhacha go dtí an bhliain 1864, an contae deiridh in Éirinn ar a ndearnadh obair suirbhéireachta. Fágann sin gur lú scóip na dtaifead ó thaobh cúrsaí ama de, ach fós, is iad na *Cancelled Land Books*, taobh leis na cláir Chaitliceacha, an dá eochair atá againn leis na craobhacha éagsúla de Bhionadaigh an Bhaile Chaoil a aithint óna chéile. Níorbh olc an rud é cur síos éigin a dhéanamh ar na *Cancelled Land Books*, ó tharla nach n-úsáidtear iad chomh rialta agus *Luacháil Griffith*. Lámhscríbhinní atá iontu, agus iad leagtha amach de réir na gcolún céanna agus atá sa leagan clóite de *Luacháil Griffith*, a bheag nó a mhór; agus tosaíonn siad sa bhliain 1866 don pharóiste ina bhfuil an Baile Caol suite, Foirceal. Cuireadh isteach sa chéad leabhar cóip ghlan den luacháil

---

<sup>3808</sup> PRONI VAL/12/B/15/18A, 18B, 18C, 18D.

chlóite, ar a dtaifeadh na cléirigh gach athrú a raibh siad feasach air gach cúpla bliain—ainm an áititheora, luach agus cineál an phlota, srl., ní a rinneadh i ndúigh dhifriúla, gach dath ag seasamh do bhliain ar leith. Dhéantaí seo gach trí bliana, nó mar sin, faoin tuath, agus níos minice ná sin sna bailte. Nuair a bhí an leabhar lán le ceartúcháin, sa dóigh go raibh sé ag éirí doiligh meabhair a bhaint as a raibh ann, dhéantaí cóip ghlan de. Ón am ar tosaíodh ar an gcéad athluacháil sa bhliain 1866 go dtí gur thosaigh rialtas úr Stormont ar na teorainneacha vótála a atarraingt—sa dóigh gur bogadh an Baile Caol ó thoghroinn \*Leacht Biorgaite [Latbirget]<sup>3809</sup> i mí an Mhárta 1923—líonadh ceithre leabhar, agus cuireadh uimhriú eile ar na plotaí sa bhliain 1908. Ní furasta an t-eolas uilig a thabhairt in aon tábla amháin, ach tugtar thíos na hathruithe is tábhachtaí, is é sin, na hathruithe a rinneadh ar ainmneacha na n-áititheoirí, an méid acu dar shloinne Bennett a bhí sa Bhaile Caol. An dáta a thugtar taobh le hainmneacha na n-áititheoirí nua sa tábla thíos, is é sin bliain na hathluachála a ndearnadh ainm an áititheora nua a chur ann in ionad an té a théann díreach roimhe ar an liosta. Is beag atá ar eolas faoin dóigh a gcuirtí na taifid seo le chéile agus ní furasta a dhéanamh amach cé chomh cruinn is atá siad. Mar gheall ar an dóigh a ndéantaí na luachálacha, is féidir le duine a bheith marbh nó imithe leis ón áit le cúpla bliain nuair a ghlantar a ainm. Tchífeadh thíos nach gcealaítear Art Mhac Bionaid, a fuair bás an 10 Márta 1879, go dtí go ndearnadh an chéad luacháil eile sa bhliain 1881, nuair a chuirtear Mary Bennett ina áit. Tá sé ar eolas againn, cibé rud é, go ndéantaí dearmad ar athruithe áirithe a chur ar pháipéar, sa dóigh go mbíonn cuid den eolas as dáta go mór, agus tarlaíonn sé ó am go chéile, is dóigh, nach dtugtar faoi deara go raibh áititheoir nua ag cur faoi ar ghiota talún, go dtí go dtagann duine eile fós ina áit. Rinneadh athluachálacha sna blianta 1869, 1878, 1881,

---

<sup>3809</sup> Moltar an leagan \**Leacht Biorgaite*, ach ní leagan deimhnithe é.

1883, 1885, 1886, 1888, 1889, 1891, 1892, 1895, 1897, agus gach bliain beagnach tar éis 1901. Dhéantaí iarracht daoine ar aon ainm lena chéile a aithint óna chéile trí ghairm nó ainm tuismitheora a lua leo, ach is dóigh go bhfuil muid go mór i dtuilleamaí ar an té a bhí ag bailiú an eolais, agus an díograis a chaith sé lena chuid oibre. Bhí Art ina chónaí ar phlota 23A-C. Ní théitear níos faide ná c.1912 thíos, óir téann na taifid ó smacht ina dhiaidh sin.

Plota (1866).	Plota (1889) nó (1908).	Áititheoirí.	Dáta.	Nóta.
13		John Doran Felix McCoy Reps. Felix McCoy Eliz McCoy John Conlan Michael Bennett Henry McShane John Conlan John Bennett James McShane	1875 [1894] 1895 1902 1902 1902 [1902] 1906 1906	Bhí mionghabháltais 12a agus 13 lena chéile go dtí an bhliain 1875. '1905 not correct', 'Bogland'.
15		Michael Hanlon Margaret Hanlon Michael Bennett	1885 1886	
16 17	16a 17 (1908)	John Bennett (Frank) Mich <sup>l</sup> Bennett	1905	
18 19A 19Ba		Peter Bennett Henry Bennett ½ Peter Bennett ½	1869 1869	
	18AB (1889) 18AB (1908)	Henry Bennett Pat <sup>k</sup> A McManus	1889 1905	
	19ABa (1889) 19ABa (1908)	Peter Bennett Rep. Peter Bennett Cath <sup>e</sup> Bennett	1889 1897 1902	
20Aa	20AaB	Rose Bennett		'Widow Anne 91'.

20B	(1908)	Anne Bennett	1891	
22A 22B 22C 22D	22ABaCD (1908)	Patrick Bennett Marg <sup>l</sup> Bennett Patrick Bennett Mary Bennett Maria Bennett	1878 1883 1888 1905	‘Mary 88’ sa cholún deiridh i bpionsal ach gan an t-athrú a bheith curtha i bhfeidhm.
23A 23B 23C	23ABaC (1908)	Arthur Bennett Mary Bennett Cath <sup>e</sup> Murnan Peter Bennett	1881 1901 1909	1912—nóta doléite. 1919—Stampa air, ‘L[and] A[cts] P[urchase].’
24		John Bennett (Tailor) Michael Bennett (Tailor) John Bennett	1878 1909	
25		Cormack Bennett Rose Bennett Bernard McKinley	1886 1891	
26		Alice Bennett Cath <sup>e</sup> Murnian Mary Bennett	1902 1913	1914, 1915—Gá le hathluacháil. 1918—Arna chur le plota 14.
27a 20Ba		Mich <sup>l</sup> Bennett Rep. Peter Bennett Cath <sup>e</sup> Bennett	1901 1902	1906—Deirtear gur ‘ruin’ an teach, agus áirítear an plota mar ‘Land’ sa bhliain 1906.
28a		Stephen Bennett Alice Bennett Bridget Bennett	1886 1901	1906—‘not down’.
28b 29A 29B 29C 27b	29ABC (1908)	Francis Bennett Reps Francis Bennett Alice Bennett John Bennett (Alice)	1892 1903 1909	

Ó tharla gur pósadh Art agus Máire am éigin sular cuireadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1821, i gcrích, is dóigh gur rugadh a gcuid páistí idir c.1821 agus c.1840. D’fhoilsigh Ó Muirí (1994: 492-503), in aguisín spéisiúil lena eagrán de ‘Comhrac na nGael agus na nGall le Chéile’, liosta fada de theastais bhaiste (1845-1880) agus phósta (1845-1950) ó chláir Fhoirceal, agus tagairtí ó chláir baistí Loch gCoiligh

(1825-1880): i measc an fhlúirse tagairtí atá ann, is beag ábhar ar féidir é a cheangal le muintir Airt. Nuair a rinneadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, bhí 32 dhuine (7 dteaghlach) dar shloinne Bennett (ag an am sin) ar an mBaile Caol, agus 23 dhuine (6 theaghlach) sa bhliain 1911.

Ar dtús—níorbh olc an rud é dhá bhearna a phlé a bhaineann leis na taifid a thugtar in Ó Muirí (1994): (1) ní thugtar ach teastais bhaiste na bpáistí arbh é Bennett ba shloinne dá n-aithreacha—ní luaitear páistí arbh é sloinne breithe a máithreacha é Bennett, agus ní thugtar ach teastais phósta na bhfear dar shloinne Bennett, gan trácht ar na mná a pósadh sa pharóiste; (2) tá sé de locht ar a bhfuil luaite anseo go bhfuil teaghlaigh aonair roinnte ina dhá ngrúpa nó ina dtrí ghrúpa mar gheall ar bhotúin bheaga sna taifid, m.sh. ainm na máthar a bheith curtha síos go contráilte áit amháin nó eile, agus tá cuid mhaith botún i gcláir an pharóiste. Fágann sin nach raibh an méid sin teaghlach sa pharóiste agus a mheasfaí ón eolas a thugtar sna nótaí sin, ach, in ainneoin na lochtanna beaga seo, is mór an teist iad do dhoimhneacht an taighde atá déanta ag Ó Muirí (1994) anseo. Déantar thíos plé ar gach duine de na páistí (ceathrar iníonacha agus beirt mhac) a luaitear le hArt agus le Máire sna traidisiúin a bailíodh sa dúiche go luath san 20ú hAois.

**(1) Alice Bennett (c.1832-1898) agus Katie Murnin (c.1829-1917), iníonacha le hArt.**

Agus é ag trácht ar an gcrann a thit ar lámhscríbhinní Airt, tagraíonn Donnellan (1908) do chomhrá éigin a bhí aige le hiníon de chuid Airt,

And not very long ago Michael Bennett, of Ballykeel, a nephew of Art Bennett's, assured me that he had known as much as a large sackful of Art's MSS. to be sent away to England; "Aye," he said, "as much as a strong man could carry on his back." A daughter of Art's, who still lives in her father's



house, saw him give the full of a handkerchief of his writings to his son when he was going to England.<sup>3810</sup>

Ní féidir ach Ally nó Katie a bheith i gceist aige. Deacracht ollmhór leis sin is ea nach bhfuil tagairt do bhean shingil darbh ainm Alice Bennett nó Catherine Bennett i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1901 (ná i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1911), atá geall le bheith ar comhaois le ceachtar d'iníonacha Airt. De bhreis air sin, ba í Catherine (Cath<sup>e</sup>) Murnan áititheoir theach Airt Mhic Bhionaid idir na blianta 1901 agus 1908. Deirtear sa tuairisceán a líonadh ar son Catherine Murnin sa bhliain 1901, go raibh cónaí uirthi i dteach Uimh. 15 ar an mBaile Caol, go raibh sí 60 bliain d'aois an uair sin, gur scológ agus gur bhaintreach í, agus gur rugadh í i gCo. Ard Mhacha.<sup>3811</sup> Deich mbliana ina dhiaidh sin, deirtear go bhfuil sí ag cur fúithi i dteach Uimh. 3, ar le Peter Bennett é ó cheart, agus go bhfuil a 'cousin' in aontíos léi, Annie McCoy, a bhí 52 bhliain d'aois an uair sin agus pósta le fear nach luaitear ann le hocht mbliana anuas. Tá Catherine fós ina baintreach, agus 81 bhliain d'aois.

An féidir gurbh iníon le hArt í an Catherine seo, agus gur phós sí i gan fhios do mhuintir an Bhaile Chaoil? Bhí na seanfhondúirí áitiúla suite de gur fhan beirt iníonacha le hArt sa bhaile go dtí go bhfuair siad bás. D'fhéadfaí a rá go bhfaca an tAth. Ó Domhnalláin an iníon a luann sé am éigin roimh an mbliain 1901, agus go raibh sí marbh faoin am ar glacadh an *Daonáireamh* sa bhliain sin. Ní dóigh gur fíor sin, agus níl teastas báis ann a thacódh leis sin, nó teastas báis ar bith ann do bhean darbh ainm Catherine Bennett a réitíonn leis na sonraí atá againn uirthi. Ós rud é go ndeir sé sa chuntas (a foilsíodh sa bhliain 1908) go raibh sé ag labhairt 'not very long ago' le Michael Bennett, nia de chuid Airt, faoi na lámhscríbhinní céanna agus a bhí

---

<sup>3810</sup> Donnellan (1908: 67). Faoi athchló in Ó Casaide (1929*e*).

<sup>3811</sup> Deirtear ar fhoirm B1 gurbh í an t-áititheoir oifigiúil í ar an ngiota talún fosta. Níl i gceist san uimhir 15 ach uimhir chlárúcháin ar mhaithe leis an áiritheoir.

i gceist ag iníon Airt, is féidir gur chuir sé ceist uirthi fúthu go gairid sular foilsíodh an t-alt sa bhliain 1908 fosta, ach ní gá a bheith i dtuilleamaí ar thuairim lag.

Oirníodh an tAth. Lúcas Ó Domhnalláin sa bhliain 1902, cuireadh chuig Co. Thír Eoghain ar dtús é, agus aistríodh é chuig Droim an Tí, Co. Ard Mhacha sa bhliain 1903 (Ní Uallacháin 2003: 361); d’fhan sé sa chontae sin go dtí na míonna deiridh dá shaol.<sup>3812</sup> Ciallaíonn sé sin gur rídhócha gur bhuail sé leis an iníon seo am éigin idir na blianta 1903 agus 1908, óir is dóigh gurbh ag an am sin a thosaigh sé a chur spéise i litríocht na Gaeilge. Is é an dóigh is fearr an cheist seo a phlé iarracht a dhéanamh teacht ar theastais bháis na beirte sin, Ally agus Katie.

Dúradh cheana nach bhfuil trácht ar Alice Bennett nó Catherine Bennett a bhféadfaí iad a cheangal le hiníonacha Airt i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1901, ná i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1911, agus fágann sin muid taobh le taifid na 19ú hAoise—tosaímis le Alice Bennett, ós lú tagairt a dhéantar dá hainm sna taifid ná Catherine Bennett. Is féidir a dhéanamh amach ó ábhar riaracháin go raibh ceathrar [? cúigear] ban darbh ainm Alice Bennett (ó bhreith nó trí phósadh) ag cur fúthu ar an mBaile Caol sa dara leath den 19ú hAois. Siúd iad iad—

- (1) Alice Bennett (iníon O’Neill), bean Stephen Bennett. Pósadh an 10 Iúil 1845 (Ó Muirí 1994: 499) iad, agus rugadh dóibh Bridget (a baisteadh an 21 Meán Fómhair 1849), Peter (a baisteadh an 14 Meitheamh 1852), Mary agus Elizabeth (a baisteadh an 15 Lúnasa 1855; is dearmad ainm Alice a bheith tugtha mar Margaret O’Neill sa chlár an uair seo), agus Frank (a baisteadh an 10 Meitheamh 1861). Féach Ó Muirí (1994: 493-4).

---

<sup>3812</sup> Cuimhnítear air gur rugadh i gcathair Ard Mhacha sa bhliain 1878 é, ach is dóigh nár thosaigh sé a bhailiú béaloidis i gCo. Ard Mhacha nó gur fhill sé ar an áit sa bhliain 1903.

- (2) Alice Bennett (iníon McGlade), bean Francis Bennett. Níl taifead ar an bpósadh sa pharóiste, ach rugadh dóibh Bridget (a baisteadh an 27 Samhain 1856; tugtar Bennett mar shloinne breithe na máthar fosta ar ábhar éigin), Patrick (a baisteadh an 6 Eanáir 1859), Michael (a baisteadh an 26 Iúil 1861), agus John (a baisteadh an 5 Lúnasa 1869). Bhí cónaí orthu ar an mBaile Caol; féach Ó Muirí (1994: 494-5).
- (3) Alice Bennett, a baisteadh an 6 Feabhra 1850, iníon Owen Bennett agus Bridget McCann (Ó Muirí 1994: 492). Phós sí faoi dhó—le Peter Burns (Byrne) an 2 Feabhra 1892 (*OAC*, Cláruimhir: 2578152), agus le Michael Rafferty an 4 Deireadh Fómhair 1905 (*OAC*, Cláruimhir: 2050555). Deirtear ar an dá theastas pósta gurbh iníon le Owen Bennett í.
- (4) Alice Bennett, bean shingil a fuair bás ar an mBaile Caol ar an 2 Bealtaine 1898, in aois a 66 bliana. Féach thíos.
- (5) Alice Bennett (iníon Bennett), bean Stephen Bennett. Baisteadh mac leo, Thomas, an 28 Lúnasa 1861. Ba as an mBaile Caol dóibh (Ó Muirí 1994: 495). Murab é go dtéann na dátaí ina aghaidh sin, bheadh tuairim agam gurb ionann iad agus Stephen Bennett agus Alice O'Neill. Scrúdaigh mé an clár, agus tá nótaí Uí Mhuirí (1994: 465) ceart agus de réir a chéile.

Ní gá a áiteamh nach bhféadfaí ach Alice (4) amháin a cheangal le hiníon Airt. Cláraíodh básanna beirt bhan idir 1864 agus 1921 eile a bhí ar aon ainm agus ar comhaois le Alice Bennett (glacaim leis gur rugadh í idir 1820 agus 1840), agus a raibh cónaí orthu ar an mBaile Caol, in Aontas Iúr Chinn Trá. Tá na taifid ó 1922 i seilbh Oifig an Ard-Chláraitheora i dTuaisceart na hÉireann. Sna blianta 1894 agus 1902 a fuair siad bás, agus ba bhaintreacha iad. Sílim gur féidir iad a cheangal le Alice (1) agus Alice (2) gan dua. An bhean shingil darbh ainm Alice Bennett (4)—an

Alice seo againne, ba dhóigh linn—a fuair bás ar an mBaile Caol an 2 Bealtaine 1898, in aois a 66 bliana, ba scológ í, agus cailleadh leis an bhfliú í. Chláraigh Catherine Murning, ‘sister of the deceased’, an teastas ar an 9 Bealtaine 1898 (OAC, Cláruimhir: 4260677).

An bhean sin arís—Catherine Murnin(g), agus é ar eolas againn, dá bharr sin, gurbh í Bennett ba shloinne breithe do Catherine, ó tharla go raibh deirfiúr shingil aici dar shloinne sin. In ainneoin go dtugann na traidisiúin le fios go raibh iníon ag Art darbh ainm Katie, tá Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 25, 27) suite de, ní gan ábhar, nár phós an bheirt iníonacha sin riamh, ar an tuiscint go raibh siad ag tabhairt aire d’Art ag an deireadh, agus go bhfuil sé intuigthe uaidh sin gur mhná singile a bhí iontu an uair sin, agus go n-eascaíonn uaidh sin gur éadócha gur phós siad riamh, tharla go mbeidís thart faoi 50 bliain d’aois sa bhliain 1879, nuair a fuair Art bás. Má chreideann muid gurb ionann an Alice Bennett seo a fuair bás sa bhliain 1898 agus Ally Bennett, thuigfí uaidh sin go nádúrtha gur dheartháir léi an Catherine Murnin(g) a luaitear: (1) ar an teastas báis; (2) ar na *Cancelled Land Books* a bheith ina cónaí i dteach Airt; agus (3) ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1901, agus ar *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1911. Tá sé mar thoradh ar dháta báis Ally gurbh í Katie an iníon ar bhuail an tAth. Lúcas léi san 20ú hAois.

Sula ndeirtear a thuilleadh faoi seo, is fiú dul a lorg eolais faoin Catherine Murnin(g) seo, agus ar an bhféidearthacht gur phós Catherine Bennett, iníon Airt, fear darbh ainm Murnin.

Níor pósadh aon duine darbh ainm Catherine Bennett le fear dar shloinne Murnin (Murnan, Murning) i bparóiste Fhoirceal, ach snaidhmeadh le chéile in Eaglais Naomh Eoin Soiscéalaí, Co. an Dúin, ar an 4 Iúil 1873 (OAC, Cláruimhir: 2798452)

Catherine Bennett, a bhí ina searbhontaí, agus cónaí uirthi in Ballyweely, Co. an Dúin, le Henry Murnin, ó Ballyweely. Iníon le Arther Bennett, scológ, a bhí inti, agus í breis agus 21 bhliain d'aois—agus a dhúthracht, is féidir, óir níor rugadh páiste ar bith dóibh. Deir Art i litir dá chuid go raibh iníon leis tar éis dul ar aimsir i Lios na gCearrbhach, agus thuigfí ó chaint na litreach go raibh sí as baile an uair sin, ar an 3 Aibreán 1849.<sup>3813</sup> Léiríonn an méid seo gur nós d'iníonacha Airt dul as baile agus iad ar thóir oibre. Más fíor sin, is féidir nach raibh an bheirt iníonacha ag tabhairt aire d'Art nuair a bhí sé ar chúl éaga ag deireadh na 1870í, ach tá cúpla rud fós le rá faoi sin. Feirmeoir a bhí in Henry Murnin, agus dealraíonn sé go raibh stoc aige. Cailleadh an Henry Murnin seo ar an 8 Samhain 1892, agus ina thiomna, a promhadh i mBéal Feirste ar an 28 Samhain 1892, thug sé an treoir seo a leanas faoina fheirm,

The Last Will and Testament of Henry Murnin of Ballywilly parish of Clonduff County of Down Made and dated this 19<sup>th</sup> day of June 1892 (ninety two) In the Name of God Amen I Henry Murnin being / of sound Mind and Memory but weak of body will and Bequeath that my farm of land in the townland of Ballywilly and all stock and movable property thereon be sold by public auction as soon after my death as my Executors deem prudent and convenient and out of the proceeds of the sale to pay all my just and lawful debts Viz Thirty pounds stg to Patrick Grant of Ballyaughean the interest on which is paid up to last season Fifty two pounds stg to M<sup>rs</sup> Matthew Murnin my sister in law funeral expenses &<sup>c</sup> I will Two pounds stg to The Rev Father Kearns P.P. of this parish, One hundred pounds stg to my beloved Wife She is to have her clothes and bed clothes of Course. To my nephew and niece Patrick and Margaret M<sup>c</sup>Polin Fifteen pounds stg each To my niece Margaret Murnin the Sum of Twenty pounds stg and to each of her three sisters Mary Bridget and Annie I bequeath the sum of Ten pounds if the funds will permit If the proceeds of the sale amount to more than will discharge the above sums I wish my brother James to get it in instalments of the amount of Ten pounds stg or less as the case may be. Should there be still a residue of [James] funds I will it to be equally divided among my three nephews John Matthew and Henry Murnin. I appoint and empower The Rev Joseph Kearns P.P. and

<sup>3813</sup> LN G702(18), mír 1; i gcló in Ó Mórdha (1957: 377 n.2): 'It is a long time since I heard a word from you. ... The bearer, my son, was going to Lisburn to see a daughter of mine that is hired there. ...'

James Murphy of Ballynany my executors. The above was distinctly read to Testator before being signed \_\_\_\_\_ Henry<sup>his</sup> x<sub>mark</sub> Murnin \_\_\_\_\_ Signed by Testator in our presence and by us in his presence and at his request and in the presence of each other as Witness our hands \_\_\_\_\_ John Carr, Hilltown \_\_\_\_\_ Patrick Murphy ballynanny Probate of the Will of Henry Murnin Deceased Granted on the 28<sup>th</sup> day of November 1892 To James Murphy one of the Executors therein Named Reserving the Right of Rev<sup>d</sup> Joseph Kearns P.P: the other Executor \_\_\_\_\_<sup>3814</sup>

Tá an tiomna féin cailte anois, ach fuarthas an chóip seo i Leabhar Tiomnaí (*Will Book*), atá ar caomhnú in PRONI anois. Imíonn baintreach Henry Murnin ón dúiche ina dhiaidh sin. Más í Katie, iníon Airt, an bhean seo, mhíneodh an tiomna seo go sásúil an dóigh ar fhill sí ar an mBaile Caol. Dhealródh sé gur chaith sí an chuid eile dá saol ann—chláraigh Rose Bennett, ‘cousin of deceased’ teastas báis Catherine Murnin (*OAC*, Cláruimhir: 5062763) ar an 23 Feabhra 1917. Cailleadh Catherine ar an 16 Feabhra 1917, baintreach le díoltóir bó, ar an mBaile Caol, in aois a 88 mbliana. Meath na seanaoise a thug a bás, agus bhí sí in aois phinsin, ach ní féidir liom teacht ar aon eolas fúithi ina bhfuil ar fáil de na *Pension Search Forms* (atá sa Chartlann Náisiúnta) anois.

Ní dóigh liom gur fiú scéal mór a dhéanamh de go dtugtar scológ (‘farmer’) ar a hathair, Arther Bennett, sa teastas pósta, óir tugtar sin ar Art Mhac Bionaid fosta i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1821; tá an chosúlacht air go bhfuil againn anseo beirt deirfiúracha, Catherine agus Alice Bennett, a rugadh tuairim na bliana 1830, a chaith tús agus deireadh a mbeatha ar an mBaile Caol, nach raibh sliocht ar dhuine acu, ná fear céile in aontíos leo ar an mBaile Caol, agus arb iníonacha iad le Arther Bennett

---

<sup>3814</sup> I *Leabhar Tiomnaí (Will Book)* de chuid Chlárlann Bhéal Feirste, faoin uimhir 1390, tiomna agus uacht dhéanach Henry Murnin. Ar coimeád in PRONI. De réir a bhfuil sa *Calendar of Wills and Administrations, Wills & Administrations*, 1892, lch 579, cailleadh Henry Murnin ar an 5 Samhain 1892, agus promhadh an tiomna ar an 28 Samhain 1892. £269.6.5 an luach a cuireadh ar a chuid giuirleídí.

éigin. Ó tharla gur fhág Catherine an Baile Caol ina bean shingil le bheith ina searbhontaí, agus gur tháinig sí ar ais gan fear aici (ina baintreach, ar ndóigh), níor dhoiligh don té nach raibh an t-eolas iomlán aige a cheapadh gur sheanmhaighdean í. Is beag nach bhfuilim cinnte go bhfuil siad le haithint le Katie agus Ally, iníonacha Airt. Pléifear cúpla deacracht nár réitíodh go fóill i dtaobh na *Cancelled Land Books* sa chuntas ar Mháire Mhic Bhionaid, bean Airt, thíos.

**(2) ——— Bennett (c.1831-1846), iníon le hArt.**

Níl a céadainm ar eolas againn, ach ní ceist dúinn gurbh iníon le hArt í, agus go bhfuair sí bás ar an 15 Feabhra 1846, in aois a 15 bliana, óir scríobh sé i litir chuig Roibeard Mac Ádhaimh dar dáta sin,

It appears that I will never have happy tiding[s] to send you. On this morning a fine girl, a daughter of mine, died of convulsion of 4 days' standing. She was fifteen years of age and worse of all cha raibh biadh no deoch no pingin a cheanneachadh e no a d'iolcadh í ar mo sheilbh. You will please excuse me for being a little dilatory in sending any writings. Excuse haste and trouble.<sup>3815</sup>

**(3) John Bennett (fl.1846-9), mac le hArt.**

An mac a d'fhág an baile ina fhear óg, agus nár tháinig ar ais. Tuairimíonn Ó Mórdha (1957: 377 n.2) gurb ionann é agus an mac a luaitear sa litir seo a scríobh Art chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 3 Aibreán 1849,

It is a long time since I heard a word from you. ... The bearer, my son, was going to Lisburn to see a daughter of mine that is hired there. ... The bearer is anxious to try other parts for employment.<sup>3816</sup>

---

<sup>3815</sup> LN G702(15), mír 4. I gcló in Ó Mórdha (1957: 372), agus in Ó Buachalla (1968: 166).

<sup>3816</sup> LN G702(18), mír 1. I gcló in Ó Mórdha (1957: 377 n.2).

Tagraíodh cheana faoi (2) thuas do scéal a chuala an tAth. Lúcas Ó Domhnalláin

(Donnellan 1908: 67) gur thug John go Sasana leis lán mála de lámhscríbhinní

Gaeilge,

And not very long ago Michael Bennett, of Ballykeel, a nephew of Art Bennett's, assured me that he had known as much as a large sackful of Art's MSS. to be sent away to England; "Aye," he said, "as much as a strong man could carry on his back." A daughter of Art's, who still lives in her father's house, saw him give the full of a handkerchief of his writings to his son when he was going to England.<sup>3817</sup>

Ní heol dom go bhfuil lámhscríbhinn ar bith de chuid Airt i Learpholl anois, nó ní fheicim gur dóigh go raibh aon lámhscríbhinn de chuid Airt a tháinig anuas chugainn i Sasana riamh, cé nach féidir, ar ndóigh, sin a dhearbhu ar chor ar bith. De na hocht lámhscríbhinn a bhronn an tUas. Mayer ar Iarsmalann na Cathrach, Learpholl, sa bhliain 1867,<sup>3818</sup> is lámhscríbhinní de chuid an Tuaiscirt iad sé cinn acu, nó codanna díobh, agus measaim go bhfuil ceangal éigin ag ceithre cinn acu, nó cúig cinn, b'fhéidir, le deisceart Cho. Ard Mhacha.<sup>3819</sup> Thuigfí go réidh as a ndúradh in Donnellan (1908: 67) gur lámhscríbhinní ó pheann Airt iad na cinn a thug sé dá mhac, ach más fíor sin, is dóigh go bhfuil siad ar neamhní anois. Tuigeadh do Ní Uallacháin (2003: 162 *n.5*) go ndeachaigh John Bennett go Learpholl, agus go bhfuair sé bás ann.

---

<sup>3817</sup> Donnellan (1908: 67). Tá sé faoi athchló in Ó Casaide (1929*e*).

<sup>3818</sup> Féach Mac Lochlainn (1958: 217). Tá na lámhscríbhinní sin ar coimeád i Leabharlann Ollscoil Learphoil, Learpholl.

<sup>3819</sup> Seo iad na cúig lámhscríbhinn: LPH 12052M ar ghraf an tAth. Cormac Mac Cuan í sa bhliain 1728; LPH 12065M(2), lámhscríbhinn leis an Ath. Cormac Mac Cuan, 1723; LPH 12075M, ff. 15v-16v, [? i láimh Eoin Mhic Cadhaidh], giota ina bhfuil tráchtas gramadaí a bhfuil fáil air i lámhscríbhinn amháin eile, go bhfios dom, OCH 498—ghraf an tAth. Feidhlimidh Ruadh Ó Néill an ceann seo; LPH 12079M—is féidir gurbh as Co. Ard Mhacha don scríobhaí, Maolmuire Mhac Parthaláin, ach ní bheinn suite de—grafadh an lámhscríbhinn sa bhliain 1776 nó 1777; LPH 12095M(1), lámhscríbhinn leis an Ath. Cormac Mac Cuan (gan síniú). Is lámhscríbhinní eile de chuid an Tuaiscirt iad LPH 12065M(1) ó Cho. na Mí; LPH 12076M; LPH 12095M(2); agus is féidir gur lámhscríbhinn de chuid an Tuaiscirt í LPH 12095M(3).



Nach spéisiúil an ní é go dtagraíonn Art i gcinnteacht do ‘a daughter of mine’ ina chuid litreacha,<sup>3820</sup> ach go ndeir sé ‘my son’ thuas, ionann is nach raibh ach mac amháin aige? Déanann sé seo áit amháin eile, i litir a scríobh sé ar an 25 Eanáir 1846, is dóigh, ‘I am tolerably recovered but my boy is very, very ill’.<sup>3821</sup>

Fágann sin beirt pháistí eile atá le plé againn, agus gan mórán eolais a bheith ar fáil fúthu a ligfeadh dúinn iad a cheangal le hArt agus le Máire go sásúil, mar gheall ar a choitianta a fheictear an sloinne i dtaifid an pharóiste. D’fhág duine acu an paróiste sna 1840í, agus fuair an duine eile acu bás sa bhliain 1876, sa dóigh nach bhfuil i gcuid mhaith den bhéaloideas a bailíodh i lár na 20ú hAoise ach scéal scéil.

**(4) ——— Bennett (fl.c.1842), iníon(?) le hArt.**

Agus í ag tarraingt ar thaighde Céitinn (1979: 2), tugann Ní Uallacháin (2003: 162-3) an cuntas gairid seo—a priontáladh thuas cheana—ar an gcrann a thit ar iníon de chuid Airt nuair a d’éirigh sí trom gan chéile siar sna 1840í,

... a daughter of ... Art Bennett ... left her home for America in 1842. ... Though Bennett had six children, a local man, Owen McParland of Adanove, Mullaghban, ... recalled in 1956 that Bennett had only four children – two boys and two girls. However, he had four daughters – one who had died and the other daughter who had left home pregnant, who, in a sense, was dead too. She did not exist in the memory of her own community. Her name and what became of Art Bennett’s daughter is still unknown.

Ba é an scéal a chuala Céitinn (1979: 2) go ndeachaigh sí sa bhliain 1842—níl ann ach tomhas garbh, nuair a chuimhnítear ar an tuiscint a bhí ag muintir na haoise sin ar a gcuid aoiseanna féin, agus glacann Ó Muirí (1994: 5 n.7) leis an dáta sin. Is doiligh cur leis ná ina aghaidh go fiúntach. Ní raibh faill agam cuid mhaith den ábhar

<sup>3820</sup> Féach an litir eile a ndearnadh tagairt di sna nótaí ar iníon le hArt a fuair bás sa bhliain 1846 i gcuid (2) thuas.

<sup>3821</sup> LN G702(15), mír 2. I gcló in Ó Mórdha (1957: 370).

a thugtar sna nótaí seo a thabhairt chun slachta agus a dhéanamh níos soiléire, agus gach gné den scéal a scrúdú. Beidh ábhar le baint den phlé seo, agus le cur leis amach anseo. Pléimis an páiste deiridh, Peter Bennett.

### **(5) Peter Bennett (c.1826/30-1876), mac(?) le hArt.**

Is casta arís scéal Peter Bennett, an fear a bádh an 14 Samhain 1876, agus caithfidh mé a admháil nach féidir liom teacht ar chinneadh ar bith maidir leis an duine seo, a chuir mé ag ceistiú an ábhair bhéaloidis go mór. Ba iad Ó Fiaich & Ó Caithnia (1979: 27) a tharraing aird ar an duine seo, is dócha. Ghlac Ó Muirí (1994: 4-6) leis an méid a bhí ag an mbeirt sin ina thaobh, agus tá eolas breise curtha le chéile aige faoina bhás. Soláthraíonn sé sliocht as na páipéir nuachta ar an gcoiste cróinéara, áit a luaitear go raibh sé tuairim is caoga bliain d’aois,

Mary Bennett deposed: “I am the mother of the deceased. I saw him last alive on Sunday night. He was then in good health. I did not see him again until I saw his dead body in a hole full of water, near the public road in the townland of Adanove, about a mile and a half from Forkhill, on Wednesday, the 15th inst., at three o’clock in the evening. My daughter Alice was with me at the time. There was nobody else in my company then. I cannot give any information as to how he got into the hole.”<sup>3822</sup>

Sa chuntas a cuireadh i gcló san *Newry Reporter*, deirtear go raibh Peter ag filleadh ar a theach ar an mBaile Caol nuair a bádh é. Déantar tagairt i gcuid de na tuairiscí a foilsíodh ar an gcoiste cróinéara don scata páistí a d’fhág sé ina dhiaidh, agus luaitear go raibh beirt acu balbh. Deirtear ar an teastas báis go raibh Peter 46 bliana d’aois, ach is dócha gur cineál de thomhas eile atá i gceist anseo .i. gur rugadh é ‘tuairim 1830’, in ionad a rá go raibh sé ‘tuairim is 50 bliain d’aois’, mar a tugadh le

---

<sup>3822</sup> Foilsíodh cuntais sa *Newry Reporter* ar an 16 Samhain 1876, agus ar an 18 Samhain 1876; agus tá nóta eile i gcló ar an *Armagh Guardian*, 24 Samhain 1876 (Ó Muirí 1994: 5). Baineadh an sliocht seo, an ceann is tábhachtaí ó thaobh cheist an mhuintearais a bhí ag Peter le hArt agus Máire, as Ó Muirí (1994: 5).

fios ar an *Newry Reporter*, an 16 Samhain 1876. Is í an fhoinse eolais is fearr atá againn ar Peter an cuntas a bhailigh an tAth. Seán Ó Néill ó Owen McParland, a rugadh sa dúiche in 1866 [? 1868], ós rud é go dtagann sé ó bhéal seandúine, agus ó nach tátal ar chúpla scéal difriúil arna gcur le chéile ag scoláire éigin é, cosúil le cuid mhaith de na cuntais eile atá againn,

Peter, who was drowned near his own home in Ballykeel returning from the Patron of Killeavy. ... Peter, Art's son, had four children, viz. Arthur, John, Peter and Patrick. Owen McParland ... was at school in Mullaghbawn with these boys.<sup>3823</sup>

Tá sé intuigthe ón gcuntas a thug Owen McParland don Ath. Ó Néill, a rugadh tuairim is mí Lúnasa 1866 [? 1868],<sup>3824</sup> go raibh mic an Peter a bádhdh ar comhaois le Owen é féin, nó geall leis, más fíor go raibh siad ar scoil leis. Ní luann Owen go raibh cuid de na mic balbh, ach is féidir gur fhág an tAth. Ó Néill sin ar lár ina litir. Taobh amuigh de scéal Owen McParland, is maith a théann sé leis an tuairim gur mhac le hArt an Peter a bádhdh go luaitear sna tuairiscí ar an gcoiste cróinéara go dtugtaí Mary Bennett ar a mháthair, agus go raibh deirfiúr aige darbh ainm Alice [? Bennett]. Anuas air sin, ba cheart go mbeadh taifid bhaiste ar fáil don cheathrar a luaigh Owen McParland leis an Ath. Ó Néill; agus téann sé le céill go gcaithfear díriú ar ainmneacha na mac seo leis an Peter Bennett ceart a aimsiú sna taifid. Cuimhneofar air nach dtosaíonn cláir breitheanna an stáit go dtí an 1 Eanáir 1864, agus gur bearnach cuid mhaith acu suas go dtí an 20ú hAois.

---

<sup>3823</sup> Litir a scríobh an tAth. Seán Ó Néill, S.P. an Mhullaigh Bháin, chuig Séamus P. Ó Mórdha, an 12 Nollaig 1956. Baineadh an méid seo as an gcóip di atá in Ó Muirí (1994: 10-11), agus tá leagan níos iomláine di ag tús an aguisín seo.

<sup>3824</sup> Rinne mé iarracht teastas baiste Owen McParland a aimsiú, ar an tuiscint go ligfeadh sé dúinn tuairim a fháil ar aoiseanna pháistí Peter, ach níor baisteadh aon pháiste darbh ainm Owen McParland sa bhliain 1866 in aon cheann de na paróistí thuas. Baisteadh páistí darbh ainm sin, áfach, ar na dátaí seo: (1) Owen mac le Michael McParland agus Mary Doran, ar an 9 Márta 1858 i bparóiste Chill Shléibhe Íocht.; (2) Owen mac le Patrick McParland agus Mary Ronaghan, Cashell, ar an 20 Lúnasa 1858 i bparóiste Fhoirceal; agus (3) Owen mac le James McParland agus Margaret Hamill, Lathbergit, ar an 16 Lúnasa 1868 i bparóiste Fhoirceal. Is dóigh gurb é Owen (3) an duine ceart.

Tá tagairtí do naonúr darbh ainm Peter Bennett, dár rugadh páistí idir na blianta 1838 agus 1880, i gcláir baistí na bparóistí Caitliceacha seo—Foirceal, Loch gCoiligh, Droim an Tí, An Creagán Íocht., An Creagán Uacht., Cill Shléibhe Íocht., agus Cill Shléibhe Uacht., mar aon leis na teastais bhreithe a cláraíodh sna codanna sin d’Aontais Iúr Chinn Trá agus Bhaile na Lorgan atá suite i ndeisceart Cho. Ard Mhacha. Is mór an trua nach bhfuil taifid againn don chuid is mó de na paróistí seo roimh na 1840í; cé go dtosaíonn cláir Loch gCoiligh sa bhliain 1825, tá bearna iontu idir na blianta 1844 agus 1849; agus níl taifid againn do pharóiste Dhroim an Tí go dtí lár na bliana 1853. Tosaíonn taifid an pharóiste is tábhachtaí, Foirceal, sa bhliain 1845.

Féachaimis ar dtús ar an liosta garbh seo. Tugtar ainm an pharóiste Chaitlicigh ina raibh cónaí ar na fir seo i gcló dubh.

- (1) Peter Bennett, **Cill Shléibhe Íocht.** Bean: Ellin McCongan. Páistí: 1838.
- (2) Peter Bennett, **Foirceal.** Bean: Mary McNeill. Páistí: 1845.
- (3) Peter Bennett, **Cill Shléibhe Íocht.** Bean: Mary Muckian. Páistí: 1845-7.
- (4) Peter Bennett, **An Creagán Íocht.** Bean: Catty Johnston. Páistí: 1847.
- (5) Peter Bennett, \*Baile Mhic Dhiarmada [Ballymacdermot],<sup>3825</sup> **Cill Shléibhe Uacht.** Bean: Mary McCartney. Páistí: 1849.
- (6) Peter Bennett, \*Craobh Chaorthainn [Crievekieran],<sup>3826</sup> **An Creagán Uacht.** Bean: Margaret McGin (Magin). Páistí: 1857-72.
- (7) Peter Bennett, Cluainte Gabhra & An Feadán Uacht., **Cill Shléibhe Uacht.; Cill Bhrónaigh.** Bean: Anne Rice. Páistí: 1866-8.

<sup>3825</sup> Níl leagan iontaofa Gaeilge den logainm seo ar eolas agam.

<sup>3826</sup> Níl leagan deimhnithe é an leagan Gaeilge seo. Tugtar ‘Crievekeeran’ (faoi litrithe éagsúla) ar an mbaile fearainn i mBéarla.

(8) Peter Bennett, An Baile Caol, **Foirceal**. Bean: Catherine Bennett. Páistí: 1868-73.

(9) Peter Bennett, \*Clárchoill [Clarkhill],<sup>3827</sup> An Baile Caol, **Foirceal**. Bean: Mary Bennett. Páistí: 1871-5.

Tá ceithre rud ag teastáil uainn leis an Peter ceart a aithint:

- (a) Ba cheart go mbeadh ag Peter Bennett ceathrar mac darbh ainm Arthur, John, Peter, agus Patrick.
- (b) Ó chuaigh Owen McParland ar scoil leis na mic seo, bheimis ag dúil leis gur rugadh iad am éigin le linn na tréimhse c.1855 – c.1875.
- (c) Ní féidir gur rug bean Peter Bennett mac nó iníon i ndiaidh mhí Lúnasa 1877, óir bád é an 14 Samhain 1876.
- (d) Dá ghaire ionad cónaithe an teaghlaigh seo don Bhaile Caol is ea is fearr; deirtear go raibh cónaí ar Peter ar an mBaile Caol nuair a fuair sé bás.

Ní shásaíonn aon duine den naonúr critéar (a), ar an drochuair, agus ní ábhar buartha dúinn (c), mar gheall ar dhátaí breithe na bpáistí a rugadh dóibh. Theip orm tagairt a fháil i gcláir na bparóistí seo do pháiste de mhuintir Mhic Bhionaid ar baisteadh Arthur air, agus is ionann an scéal i gcás na dteastas breithe, ach gur rugadh Arthur Bennett sa bhliain 1886 áit eile in Aontas Iúr Chinn Trá, i bhfad ón mBaile Caol. Níor bhac mé le dul níos faide ná an bhliain 1880 sna cláir bhreithe, agus mé ag lorg eolais faoi Peter. Dúradh cheana nach dóigh gur liostaí iomlána iad siúd atá againn do Peter (1) – Peter (5), toisc nach bhfuil dátaí pósta ar fáil dóibh, ach is féidir sin a

---

<sup>3827</sup> Níl leagan deimhnithe Gaeilge ar fáil. Is baile fearainn é \*Clárchoill [Clarkhill] atá ag críochantacht ar an mBaile Caol.

bheith fíor i dtaobh an cheathrair eile. Ba nós ag an am sin do chuid mhaith teaghlach i ndeisceart Cho. Ard Mhacha bogadh go Sasana ó am go chéile a lorg oibre, agus tháinig mórán acu ar ais. Fágann sin gur féidir, áit ar bith a bhfuil bearna ceithre nó cúig bliana idir dátaí breithe na bpáistí, gur rugadh páistí eile don lánúin i Sasana nó in áit eile. Ná ní foláir cuimhneamh air go bhfuil cuid mhaith de thaifid riaracháin na 19ú hAoise iontach lochtach ó thaobh an chruinnis de. B'fhéidir nach constaic dhosháraithe é nach bhfuil taifead againn ar mhac darbh ainm Arthur a rugadh d'aon duine den naonúr sin darbh ainm Peter Bennett. Ós rud é nach bhfuil againn ach tátal ar scéal Owen McParland sa litir, agus go bhfuil caint na litreach iontach gonta, is doiligh tuairim a fháil faoina chinnte is a bhí Owen i dtaobh cuid de na sonraí a thug sé.

Baineadh na nótaí thíos as na leabhair baistí, agus cuireadh i gcomórtas iad leis na cláir bhreithe. Bíonn difríochtaí idir na dátaí breithe agus baiste, ar ndóigh, ach ní bhacaim lena soláthar. Áit ar bith nach bhfuil ionad cónaithe ar taifead sa leabhar baistí, ach a bhfuil an t-eolas sin ar an teastas breithe, tugaim é i lúbíní cearnacha. Gach lánúin nach dtugtar dáta pósta dóibh, is féidir a bheith sásta nach bhfuil againn ach na páistí ab óige a rugadh dóibh.

**(1) Peter Bennett, Cill Shléibhe Íocht. Bean: Ellin McCongan. Dáta pósta:**

**ní fios.**

Páistí <sup>3828</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Charles	17/7/1838	Ellin McCongan	—

Róshean lena aithint leis an Peter seo againne. An páiste deiridh le lánúin phósta, is dóigh, lánúin a bhaineann leis an nglúin a tháinig roimh an Peter a bád.

<sup>3828</sup> Eolas a fuarthas i *gClár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, Cill Shléibhe Íocht.*, 1835-60.

**(2) Peter Bennett, Foirceal. Bean: Mary McNeill. Dáta pósta: ní fios.**

Páistí <sup>3829</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Catherine	4/7/1845	Mary McNeill	—

Bheadh cuid páistí an Peter seo (más í Catherine an páiste deiridh) róshean le bheith ar scoil le Owen McParland. Ó tharla go dtosaíonn na taifid i bparóiste Fhoirceal cúpla mí roimhe sin, is é is dóichí gur páiste deiridh atá i gceist anseo, agus go bhfuil an lánúin seo measartha aibí, agus ní déarfadh páipéir nuachta go raibh clann óg ag fear a raibh an páiste ab óige aige breis agus 30 bliain d'aois sa bhliain 1876. Ba chóir, mar sin, go mbeadh taifead ar chuid páistí Peter i gclár an pharóiste, a osclaíodh 31 bhliain roimh a bhás. Nó is féidir gur imigh Peter (2) agus a mhuintir as an bparóiste tar éis na bliana 1845; ní dócha, cibé rud é, go bhfuil an Peter seo le ceangal leis an bhfear a bádh sa bhliain 1876.

**(3) Peter Bennett, Cill Shléibhe Íocht. Bean: Mary Muckian. Dáta pósta: ní fios.**

Páistí <sup>3830</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Michael	19/3/1845	Mary Muckeon	—
James	10/10/1847	Mary Muckian	—

Féach Peter (2) thuas, an scéal céanna.

**(4) Peter Bennett, An Creagán Íocht. Bean: Catty Johnston. Dáta pósta: ní fios.**

<sup>3829</sup> Eolas ó *Chlár na mBaistí & na bPóstaí, Foirceal, 1844-79.*

<sup>3830</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, Cill Shléibhe Íocht., 1835-60.*

Páistí <sup>3831</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Betty	23/9/1847	Catty Johnston	—

Féach Peter (2).

**(5) Peter Bennett, \*Baile Mhic Dhiarmada [Ballymacdermot], Cill Shléibhe**

**Uacht. Bean: Mary McCartney. Dáta pósta: ní fios.**

Páistí <sup>3832</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Catherine	5/10/1849	Mary McCartney	Ballymacdermot

Féach Peter (2).

**(6) Peter Bennett, \*Craobh Chaorthainn [Crievekieran], An Creagán Uacht.**

**Bean: Margaret McGin (Magin). Dáta pósta: 23/3/1856.<sup>3833</sup>**

Páistí <sup>3834</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Michael	20/1/1857	Margt Magin	—
Patrick	29/5/1859	Margaret McGin	Crieve Keeran
Susan	22/6/1862	Bridget Donaghan [ <i>sic</i> ]	—
Peter	19/1/1867	Margaret McGin	— [Crievekieran] <sup>3835</sup>
John	15/2/1870	Margaret McGin	— [Crievekieran] <sup>3836</sup>
Rose	15/10/1872	Margaret McGin	— [Crievekieran] <sup>3837</sup>

Ábhar spéise na taifid seo, ó tharla go raibh ceathrar mac ag an duine seo, agus ainmneacha triúir acu ag réiteach leis na hainmneacha a thug Owen McParland, agus

<sup>3831</sup> *Clár na mBaistí, An Creagán Íocht.*, 1845-81.

<sup>3832</sup> *Clár na mBaistí & na bPóstaí, Cill Shléibhe Uacht.*, 1832-68.

<sup>3833</sup> *Clár na mBaistí & na bPóstaí, An Creagán Uacht.*, 1845-71.

<sup>3834</sup> Michael, Patrick, Susan, Peter, agus John: tá siad ar taifead i g*Clár na mBaistí, An Creagán Uacht.*, 1845-71. Tá baisteadh John (cóip) agus Rose i g*Clár na mBaistí, An Creagán Uacht.*, 1870-81.

<sup>3835</sup> In Aontas Bhaile na Lorgan a cláraíodh seo. *OAC*, Cláruimhir: 8245253.

<sup>3836</sup> *OAC*, Cláruimhir: 8099588.

<sup>3837</sup> *OAC*, Cláruimhir: 11884570.



iad uilig ar comhaois leis, a bheag nó a mhór. Is doiligh a chreidiúint go mbeadh páistí an teaghlaigh seo ag dul ar scoil sa Mhullach Bán, áfach. Trí na dátaí baiste a thugtar thuas a chur i gcomórtas lena bhfuil i gcláir bhreithe an Stáit, is féidir a léiriú go raibh cónaí ar an teaghlach seo i \*gCraobh Chaorthainn fós sa bhliain 1872 nuair a cláraíodh teastas breithe Rose Bennett. Bhí cónaí orthu ann nuair a phós Peter mac Peter (6) le Anne Traynor ar an 20 Aibreán 1902.<sup>3838</sup> Nuair a cailleadh Margaret Bennett, an mháthair, san áit chéanna, in aois a 65 bliana, ar an 13 Aibreán 1907,<sup>3839</sup> ba é a fear céile a thug na sonraí i dtaobh a báis. Fágann sin nach féidir gurb ionann Peter (6) agus an Peter a bád.

**(7) Peter Bennett, Cluainte Gabhra & An Feadán Uacht., Cill Shléibhe**

**Uacht.; Cill Bhrónaigh. Bean: Anne Rice. Dáta pósta: 27/2/1861.**<sup>3840</sup>

Páistí <sup>3841</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
------------------------	-------------	---------	----------------

*Cill Shléibhe Uacht.—*

John	11/8/1866	Anne Rice	Clantergee(?) [Clontigora] <sup>3842</sup>
Peter	8/7/1868	Anne Rice	Fathom [Upper Fathom] <sup>3843</sup>

*Cill Bhrónaigh—*

Mary	17/3/1871	Anne Rice	—
------	-----------	-----------	---

Réitíonn ainmneacha na mac seo le cuid de na hainmneacha a thug Owen McParland dúinn, ach tá bearna iontach mór ann idir an dáta pósta (1861), agus dáta breithe an chéad mhic, John (1866), a rugadh i gCluainte Gabhra: rugadh Peter (1868) san

<sup>3838</sup> Teastas pósta (*OAC*, Cláruimhir: 2517177).

<sup>3839</sup> Teastas báis Margaret Bennett, a cláraíodh in Aontas Bhaile na Lorgan (*OAC*, Cláruimhir: 4181211).

<sup>3840</sup> *Clár na mBaistí & na bPóstaí, Cill Shléibhe Uacht.*, 1832-68.

<sup>3841</sup> Tá John Bennett agus Peter Bennett ar taifead i *gClár na mBaistí & na bPóstaí, Cill Shléibhe Uacht.*, 1832-68; tugtar taifead baiste Mary Bennett i *gClár na mBaistí & na nAdhlacthaí, Cill Bhrónaigh*, 1843-81.

<sup>3842</sup> *OAC*, Cláruimhir: 7930182.

<sup>3843</sup> *OAC*, Cláruimhir: 7511053.

Fheadán Uacht., nach bhfuil rófhada ón Iúr, Co. an Dúin. Níl a fhios agam goidé an t-ainm a bhí ar athair Peter (7), ná ar a mháthair, ach is é an chéad duine é go dtí seo a d'fhéadfadh a bheith ina mhac le hArt Mhac Bionaid. Baisteadh John (1866) agus Peter (1868) i bparóiste Chill Shléibhe Uacht., agus Mary (1871) i bparóiste Chill Bhrónaigh, Co. an Dúin. Is doiligh teacht ar eolas ar bith i dtaobh an teaghlaigh seo tar éis na bliana 1871, agus bheinn ag ceapadh, ar scáth na mbearnaí atá sna dátaí thuas, gur chaith siad tréimhsí áit eile sa tír nó i Sasana ó am go chéile. Deirtear ar theastas breithe John (1866) gur scológ é Peter (7), ach is ábhar spéise go luaitear 'Mason' mar ghairm dó ar theastas breithe Peter (1868), tharla gur shaor cloiche é Art.

**(8) Peter Bennett, An Baile Caol, Foirceal. Bean: Catherine Bennett. Dáta**

**pósta: 18/2/1868.<sup>3844</sup>**

Páistí <sup>3845</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Rose	15/10/1868	Catherine Bennett	Ballykeel [Ballykeel] <sup>3846</sup>
Mary	16/10/1868	Catherine Bennett	Ballykeel [Ballykeel] <sup>3847</sup>
Laurence	8/1/1870	Catherine Bennett	Ballykeel [Ballykeel] <sup>3848</sup>
Mary	28/2/1872	Catherine Bennett	Ballykeel [Ballykeel] <sup>3849</sup>
Rose	24/4/1873	Catherine Bennett	Ballykeel [Ballykeel] <sup>3850</sup>

<sup>3844</sup> *Clár na mBaistí & na bPóstaí, Foirceal, 1844-79.* Tugtar an t-eolas céanna in Ó Muirí (1994: 499). Claraíodh teastas pósta (*OAC*, Cláruimhir: 1868, Ráithe 1, Iml. 1, lch 978) leis an stát.

<sup>3845</sup> *Clár na mBaistí & na bPóstaí, Foirceal, 1844-79.* Féach Ó Muirí (1994: 496).

<sup>3846</sup> *OAC*, Cláruimhir: 7511122.

<sup>3847</sup> *OAC*, Cláruimhir: 7511447.

<sup>3848</sup> *OAC*, Cláruimhir: 8101623.

<sup>3849</sup> *OAC*, Cláruimhir: 11884605.

<sup>3850</sup> *OAC*, Cláruimhir: 9314788.

Más maith a théann an seoladh sin le scéal Owen McParland, níl cosúlacht ar bith idir ainmneacha na bpáistí thuas agus na hainmneacha a luaigh Owen McParland leis an Ath. Ó Néill.

Pósadh Peter Bennett ón mBaile Caol agus Catherine Bennett ón mBaile Caol ar an 18 Feabhra 1868. Ar theastas pósta an stáit, deirtear gur mac le ‘Laurence Bennett—Deceased—’ é Peter Bennett; ní mac le hArt Mhac Bionaid é, ar a laghad. Iníon le ‘Thomas Bennett—Deceased—’ ab ea í Catherine Bennett.

Chláraigh Alice Bennett ón mBaile Caol (ní chuirim romham a dhéanamh amach cé hí) teastas báis a huncail, Peter Bennett, ar an 25 Eanáir 1897.<sup>3851</sup> Scológ a bhí ann, agus é pósta. Bhí sé 73 bliana d’aois nuair a d’éag sé, ar an 17 Eanáir 1897, agus cailleadh é ar an mBaile Caol. Cé go bhfuil easaontas áirithe ann idir na dátaí báis a thugtar, deonaíodh ar an 19 Feabhra 1897 éastát fir darbh ainm Peter Bennett ón mBaile Caol a fuair bás an 24 Eanáir 1897 dá bhaintreach, Catherine Bennett, éastát arbh fhiú £92 é.<sup>3852</sup> Ar an ábhar seo, is féidir eisean a cheangal leis an Peter Bennett a luaitear a bheith ina áititheoir ar mhionghabháltas 18 + 19ABa sa bhliain 1866, ar 19ABa amháin ó 1869 ar aghaidh; agus ina áititheoir fosta, is dóigh, ar 27a + 20Ba, a bhí curtha síos le fada do Michael Bennett. Sa bhliain 1897, cuireadh ‘Rep. Peter Bennett’ síos do phlota 19ABa, agus rinneadh an rud céanna le 27a + 20Ba sa bhliain 1901. Aistríodh iad go Catherine Bennett sa bhliain 1902.

Cibé rud é, is féidir a thaispeáint, beag beann ar an teastas báis, go raibh Peter (8) ina bheatha tar éis na bliana 1876. Cé nach bhfuil aon tagairt ar leith do Peter (8) a bheith beo nó marbh ar theastais phósta a iníonacha—Mary Bennett, a phós Michael

---

<sup>3851</sup> OAC, Clárúimhir: 3555709.

<sup>3852</sup> *Calendar of Wills and Administrations, Wills & Administrations*, 1897, lch 20. Bheinn sásta gurb é an duine céanna é.

Murphy ar an 30 Aibreán 1896;<sup>3853</sup> agus Rose Bennett, a phós Patrick McGlade ar an 24 Samhain 1898<sup>3854</sup>—ba é Peter (8) a chláraigh teastas báis a mhic, Laurence Bennett. Fuair Laurence Bennett ón mBaile Caol bás ar an 4 Iúil 1892, in aois a 22 bhliain,<sup>3855</sup> agus deirtear go beacht ar an teastas gurbh é a athair Peter Bennett ón mBaile Caol a chláraigh é. Ar scáth an dáta baiste a tugadh do Laurence, mac Peter (8), thuas, ní ceist dúinn go bhfuil an Laurence agus an Peter ceart againn. Ní hé Peter (8) an fear a bád, ar an ábhar sin.

**(9) Peter Bennett, \*Clárchoill [Clarkhill],<sup>3856</sup> An Baile Caol, Foirceal. Bean:**

**Mary Bennett. Dáta pósta: 4/2/1869.<sup>3857</sup>**

Páistí <sup>3858</sup>	Dáta Baiste	Máthair	Ionad Cónaithe
Bridget	1/6/1871	Mary Bennett	Ballykeel [Clarkhill] <sup>3859</sup>
Thomas	29/12/1872	Mary Bennett	Ballykeel [Clarkhill] <sup>3860</sup>
Patrick	29/1/1875	Mary Bennett	Ballykeel [Clarkhill] <sup>3861</sup>

Ní fearr na hainmneacha seo. Bhí Peter Bennett agus Mary Bennett ina gcónaí ar an mBaile Caol nuair a pósadh iad an 4 Feabhra 1869, agus deimhníonn an teastas pósta gur mhac le Thomas Bennett é Peter. Níl trácht ar aon pháistí a rugadh do Thomas Bennett sa chlár baistí, ach b'in an t-ainm a bhí ar athair Catherine Bennett, bean Peter (8), agus más é an Thomas céanna é, bhí sé marbh faoin 18 Feabhra 1868, an lá

<sup>3853</sup> OAC, Cláruimhir: 2254137.

<sup>3854</sup> OAC, Cláruimhir: 2363483.

<sup>3855</sup> OAC, Cláruimhir: 3822231.

<sup>3856</sup> Baile ar leith é seo atá ag críochantacht ar an mBaile Caol, agus measaim gur nós é a áireamh mar chuid den bhaile fearainn ar bhonn neamhfhoirmeálta, mar a rinne an té a choinnigh an leabhar baistí. Ós rud é go luaitear an logainm seo cuid mhaith sa chuntas ar Peter Bennett (9), ní bhacaim leis an leagan Béarla a sholáthar i lúibíní arís.

<sup>3857</sup> *Clár na mBaistí & na bPóstaí, Foirceal, 1844-79*. An beagán eolais atá i gclár an pharóiste, tá sé i gcló in Ó Muirí (1994: 499). Cláraíodh teastas pósta (OAC, Cláruimhir: 1869, Ráithe 1, Iml. 1, lch 958) leis an stát.

<sup>3858</sup> *Clár na mBaistí & na bPóstaí, Foirceal, 1844-79*. Féach Ó Muirí (1994: 497).

<sup>3859</sup> OAC, Cláruimhir: 10902168.

<sup>3860</sup> OAC, Cláruimhir: 10812300.

<sup>3861</sup> OAC, Cláruimhir: 8616961.

ar pósadh Catherine Bennett. Iníon le Owen Bennett<sup>3862</sup> ab ea í Mary Bennett, bean Peter (9).

Is follas ó na sleachta a thugtar as an leabhar baistí agus as na teastais bhreithe go dtugann an teaghlach seo idir \*Chlárchoill agus an Baile Caol mar ionad cónaithe scun scan. Is eol dúinn go raibh Peter (9) marbh faoin am ar glacadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, óir níl luaite ar thuairisceán an teaghlaigh seo, a deirtear a bheith ina gcónaí i \*gClárchoill (teach 16), ach Mary Bennett, baintreach, 62 bhliain d’aois; agus a mac, Patrick Bennett, 24 bliana d’aois. Cibé acu a bhí an bheirt pháistí eile ar aimsir nó nach raibh, d’fhill siad ar an teach i \*gClárchoill / sa Bhaile Caol sna blianta a lean sin. Ba ar an mBaile Caol a bhí cónaí ar Bridget Bennett, iníon le Peter Bennett, nuair a pósadh í ar an 29 Bealtaine 1907,<sup>3863</sup> ach is faoi \*Chlárchoill (teach 1) a thugtar an teaghlach arís i *nDaonáireamh na hÉireann*, 1911. Bhí sa teach an uair sin: Mary Bennett, baintreach, 74 bliana d’aois; agus a beirt mhac, Thomas Bennett, agus Patrick Bennett. Fuair Thomas Bennett ó \*Chlárchoill bás ar an 24 Deireadh Fómhair 1913,<sup>3864</sup> agus phós Patrick Bennett ó \*Chlárchoill Bridget McCann ar an 26 Samhain 1914.<sup>3865</sup>

De bhreis ar an Peter Bennett a cailleadh sa bhliain 1897, agus a luadh thuas, tá dhá thaifead eile i gcláir Aontas Iúr Chinn Trá ar fhir darbh ainm Peter Bennett a fuair bás ar an mBaile Caol sa dara leath den 19ú hAois, agus a bhí ar comhaois, a bheag nó a mhór, leis an bhfear a bádh. Duine acu ab ea an Peter Bennett a cailleadh ar an 4 Márta 1896 ar an mBaile Caol, in aois a 57 mbliana: baitsiléar a bhí ann, agus fágann

---

<sup>3862</sup> B’fhéidir gurb ionann é agus an fear a bhí pósta le Bridget McCann, tuismitheoirí Peter Bennett (a baisteadh an 22 Iúil 1845), Bridget Bennett (an 18 Iúil 1847), Alley Bennett (an 6 Feabhra 1850), Betty Bennett (an 5 Feabhra 1855), Ann Bennett (an 22 Feabhra 1859), agus Susan Bennett (an 5 Samhain 1861). Is dóigh go raibh páistí eile ag an lánúin seo. Féach Ó Muirí (1994: 492).

<sup>3863</sup> OAC, Clárúimhir: 1877194.

<sup>3864</sup> OAC, Clárúimhir: 5336362. Ba é a dheartháir, Patrick Bennett ó \*Chlárchoill, a thug an t-eolas i dtaobh a bháis.

<sup>3865</sup> OAC, Clárúimhir: 1719141.

sin nach eisean an té a bád. <sup>3866</sup> An duine eile, Peter Bennett ón mBaile Caol, fuair sé bás ar an 28 Aibreán 1885, in aois a 56 bliana. <sup>3867</sup> Bhí sé pósta, agus ba í a bhaintreach, Mary Bennett ón mBaile Caol, a thug an t-eolas i dtaobh a bháis ar an 13 Bealtaine 1885. Dhealródh sé gurb é Peter (9) an fear seo, agus gur féidir, ar an ábhar sin, Peter (9) a ghlanadh den liosta fosta.

B'fhéidir go ndéanfaí iontas de, mar gheall ar an méid a dúradh i dtaobh mhionghabháltais Peter (8) thuas, nach bhfuil giota talún curtha síos do Peter (9) ar an mBaile Caol, ná i \*gClárchoill, An Baile Caol. <sup>3868</sup> I \*gClárchoill, tchíonn muid, áfach, go raibh mionghabháltais 20b + 21 agus 23 ag Owen Bennett sna 1870í nuair a rug Mary Bennett, bean Peter (9), Thomas agus Patrick ar an saol i \*gClárchoill. Owen Bennett a bhí ar athair Mary. An féidir go raibh sise agus a fear céile ar lóistín i dteach a hathar?

Fágann an méid sin nach bhfuil ach Peter Bennett amháin luaite sna taifid arbh fhéidir é a cheangal leis an bhfear a bád sa bhliain 1876, agus a bheith ina mhac le hArt Mhac Bionaid—sin Peter (7), fear céile Anne Rice. Cuireann an méid sin amhras orm faoi chruinneas an tseanchais a bailíodh i dtaobh an Peter Bennett a bád, an pháirt a bhí aige le hArt Mhac Bionaid ach go háirithe. An méid a dúradh go dtí seo, dúradh é ar an tuiscint gur cuntais bheachta iad tuairiscí na bpáipéar nuachta agus seanchas Owen McParland, a bheag nó a mhór, sa dóigh go raibh muid ag déanamh dóighe de gur mhac le hArt Mhac Bionaid an té a bád, ionann is gur leor a rá nár mhac le hArt an duine seo nó siúd lena áiteamh nárbh eisean an té a bád fosta. Ó tharla gur beag toradh a bhí ar an gcur chuige sin, ach amháin *go bhféadfadh sé* gur mhac le hArt Peter (7), ar an mbonn gur féidir linn a léiriú go raibh sé *ar*

---

<sup>3866</sup> OAC, Cláruimhir: 3478109.

<sup>3867</sup> OAC, Cláruimhir: 5890316.

<sup>3868</sup> Féach nóta 3856 thuas.

*comhaois, nó geall leis, leis an Peter a bádh, go raibh cónaí air sna 1860í cúpla míle ón áit a raibh cónaí ar an Peter sin sa bhliain 1876,*<sup>3869</sup> *nach eol dúinn go raibh sé beo tar éis na bliana 1876, agus nach eol dúinn goidé an t-ainm a bhí ar a athair. Maire don té a chrochfadh fear ar an gcinéal sin faisnéise.*

Féachaimis air seo arís, ag brath ar an eolas a thugtar sna páipéir nuachta i dtaobh bhás Peter Bennett amháin, beag beann ar sheanchas mhuintir an Bhaile Chaoil.

Deirtear ann go raibh bean agus cúram aige, gurbh í Mary Bennett a mháthair, agus go raibh deirfiúr aige darbh ainm Alice. Ní féidir mórán a dhéanamh leis an tagairt do Francis Bennett a thug eolas ag an gcoiste cróinéara. Má ghlacann muid leis gur comhtharlú go raibh máthair ag an Peter a bádh darbh ainm Mary, agus deirfiúr darbh ainm Alice—agus ní éasca sin a dhéanamh, ar ndóigh—tchíonn muid go bhfuil cuid mhaith de na critéir a d’úsáid muid bailí go fóill, agus gur féidir an t-ochtár céanna a ghlanadh den liosta agus a rinne muid an chéad uair: Peter (1) – Peter (6), Peter (8) – Peter (9). Ó tharla, mar a dúradh thuas, go bhfuil sé scríofa ar na páipéir gur fhág sé páistí ina dhiaidh, is féidir úsáid a bhaint as an tréimhse ama chéanna agus a bhí againn, c.1855 – c.1875. Is féidir Peter (1) – Peter (5) a fhágáil as an áireamh ar an mbonn sin amháin. Bhí Peter (6), Peter (8), agus Peter (9) ina mbeatha ag deireadh na bliana 1876, agus fágann sin againn Peter (7), fear céile Anne Rice, an té a dtiocfadh dó a bheith ina mhac le hArt, cibé rud é.<sup>3870</sup>

Taispeánann sé seo nach éasca a dhéanamh amach cérbh é an Peter a fuair bás sa bhliain 1876, nuair nach gcuireann muid an seanchas faoin bpáirt a bhí aige le hArt Mhac Bionaid san áireamh, fiú.

---

<sup>3869</sup> De réir an eolais a foilsíodh ar an *Newry Guardian*, an 16 Samhain 1876.

<sup>3870</sup> Is eol dúinn nach ionann an Peter a bádh agus Peter (1) – Peter (6), Peter (8) – Peter (9), ach más é Peter (7) é, caithfidh sé go dtugtaí Mary ar a mháthair, agus go raibh deirfiúr darbh ainm Alice aige fosta. Cé hí an Alice seo—an bhfuil orainn Alice Bennett (6) a chur leis an liosta thuas? Nó an í Alice (5) í? Ní gá gur bhean shingil í an uair sin. Má ghlacann muid leis gur mac eile le hArt agus Máire an Peter a bádh, caithfidh sé gurb ionann an Alice a luaitear sa tuairisc bháis agus Alice (4).

Leis an gceist seo a réiteach, bheadh orainn a léiriú, áfach, go dtugtaí Mary Bennett ar mháthair Peter (7), agus go raibh páiste eile aici darbh ainm Alice. Níorbh olc an ní é iarracht a dhéanamh teacht ar pháistí eile a rugadh do Peter Bennett agus Anne Rice sna cláir bhreithe i Sasana, agus in áiteacha eile in Éirinn, nó scrúdú a dhéanamh ar rollaí Scoil an Mhullaigh Bháin, cibé áit a bhfuil siad. Ní beag sin.

#### **(6) Bás bhean Airt—Mary Bennett (c.1794-1885)**

Mar a luadh cheana, chreidtí gur mhair Art a bhean Máire, agus maíodh fosta gur thug a bheirt iníonacha, Katie Bennett agus Ally Bennett, aire dó nuair a bhí sé ag druidim le deireadh a shaoil. Ó tharla go gcreidtear go forleathan go raibh Máire i láthair ag coiste cróinéara a mic sa bhliain 1876, tuigeadh uaidh sin agus eile go bhfuair sí bás idir 1876 agus 1879,<sup>3871</sup> an bhliain ar cailleadh Art Mhac Bionaid é féin, ach níl teastas báis fóirsteanach i gcláir Aontas Iúr Chinn Trá idir na blianta sin, murab é gur fágadh ar lár san innéacs é, nó go ndearnadh botún éigin agus an teastas á scríobh. Chonaic muid go bhfuil ceisteanna le freagairt faoin tagairt don choiste cróinéara, agus fágaim as an áireamh í sa phlé seo.

Is fada atáthar á rá, ó aimsir Uí Fhiaich & Uí Chaithnia (1979: 25) anuas, cibé rud é, nár mhair Máire a fear céile, agus ní tógtha ar Ó Muirí (1994) agus Ní Uallacháin (2003: 162 *n.6*) gur lean siad an béaloideas sin. Tuairimíonn Ní Uallacháin (2003: 162 *n.6*) fosta go bhfuair bean Airt bás in 1876. Deirtear ar theastas báis Arthur Bennett, saor cloiche a fuair bás ar an mBaile Caol ar an 10 Márta 1879, go raibh Art pósta ('married') ar uair a bháis. Mar gheall ar an gcóras cláraithe a d'úsáidtí, níl le léamh anseo ach gur deimhin gur mhair bean Airt ina dhiaidh. Thug Alice Bennett (a + comhartha) ón mBaile Caol na sonraí don chláraritheoir ar an 21 Márta 1879; ní

---

<sup>3871</sup> Deir Ní Uallacháin (2003: 162 *n.5*) go bhfuair sí bás sa bhliain 1876 féin.



luaitear go raibh páirt ag an Alice Bennett seo le hArt ar an teastas, ach is dóigh gurbh í a iníon Ally í.

B’fhiú a lua ar dtús, maidir leis an bhfaisnéiseoir a tugadh ar theastas báis Airt, go ndearnadh cúpla athrú beag ag tús na 1880í ar an gcóras cláraithe básanna a leagadh amach sna hAchtanna um Chlárú, nuair a ceapadh Matheson ina Ard-Chláraitheoir. Fágadh leagan amach na dteastas mar a bhí, ach ba nós é do chláraitheoirí ó na blianta 1881-2 ar aghaidh: (1) seoladh an mharbháin a scríobh sa cholún inar tugadh a ‘Name and Surname’ murar cailleadh ina theach féin é; agus, tá ní cheana, (2) an pháirt a bhí ag an bhfaisnéiseoir (má bhí) leis an marbhán a thairfeadh go cruinn. Bíonn corrdhifríocht sa mhéid eolais a thugtar ó áit go chéile, ach is gnách go gcuirtear leis na seantearmaí ‘occupier’—duine a bhí in aontíos leis an marbhán— agus ‘present at death’, an pháirt a bhí ag an bhfaisnéiseoir leis, má ba thuismitheoir, páiste, fear nó bean chéile leis é. Ar an ábhar seo, níl sé le tuiscint as an nóta simplí go raibh Alice Bennett ‘Present at death’ nuair a cailleadh Art nárbh í a iníon í, cé gurb é sin go díreach an earraíocht a bhainfí as sin má ba é gur cailleadh Art cúpla bliain i ndiaidh 1879.

Ón mbliain 1879 go dtí deireadh na haoise, tá i gcláir Aontas Iúr Chinn Trá trí thairfead ar bhaintreacha darbh ainm Mary Bennett, a raibh cónaí orthu ar an mBaile Caol, agus a bheadh ar comhaois le bean Airt. Is féidir a gcuid sonraí a thabhairt anseo,

- (1) Mary Bennett, baintreach, baintreach scolóige, a cailleadh an 9 Feabhra 1882 ar an mBaile Caol, in aois a 90 bliain. Fuarthas na sonraí ó John Bennett (a + chomhartha), ‘Present at Death’, An Baile Caol, an 20 Feabhra 1882.

- (2) Mary Bennett, baintreach, scológ, a cailleadh an 12 Nollaig 1885 ar an mBaile Caol, in aois a 91 bhliain. Sonraí ó Alice Bennett (a + comhartha), ‘Daughter / Present at Death’, An Baile Caol, an 28 Nollaig 1885.
- (3) Mary Bennett, baintreach, bean tí, a cailleadh an 24 Feabhra 1887 ar an mBaile Caol, in aois a 80 bliain. Sonraí ó Mary Bennett (a + comhartha), ‘Daughter / Present at Death’, An Baile Caol, an 14 Márta 1887.

Is é (2) an teastas ceart, agus fágann sin gurbh í Máire an Mary Bennett a fuair seilbh ar theach Airt Mhic Bhionaid tar éis a bháis, agus ar cuireadh a hainm ar na *Cancelled Land Books* sa bhliain 1881. Nuair a cailleadh í ar an 12 Nollaig 1885, is dóigh go ndeachthas thar a hainm a chealú, agus Ally a chur ina háit, agus nár tugadh sin faoi deara go dtí go bhfuair Ally bás, nuair a cuireadh Mary Bennett ar ceal faoi dheoidh sa leabhar sa bhliain 1901, agus a scríobhadh ‘Cath<sup>e</sup> Murnan’ ina háit.

### **Aguisín 9: Dánta Fhiachra Mhic Bhrádaigh**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 1258 thuas.*

Thángthas ar na cóipeanna seo a leanas, ach ní dócha go bhfuil an liosta seo gar do bheith cuimsitheach:

- (a) ‘Aisling Fhiachra Mhic Bhrádaigh’, *Chonairc mé aisling ar mo leabaidh mar do chífinn bean*. Cóipeanna—(1) ARÉ G.vi.1 (37), lch 1. Henrí Mac an tSaoir a scríobh, 1787. (2) ARÉ 23E12 (769), lch 441. Nioclás Ó Cearnaigh a scríobh, 1846. (3) LN G458, lch 29. Muiris Ó Gormáin, gan dáta. (4) LNA 72.3.2, lch 2b. Donald Smith a scríobh, ó chairteacha Thoirdealbhaigh Mhig Uidhir, is dóigh. (5) SLVM MS. 10357, lch 122. Níltear cinnte cé a scríobh, 1823. (6) SLVM RARES 091/C76, lch 32. Ní fios ainm an scríobhaí, 1822. I gcló in Laoide (1914: 61-5), Ó Muirgheasa (1915: 30-3), agus in Ó Buachalla (1976: 27-8).
- (b) Dán chuig Séamus Ó Mainnín. *Dá mbeinnse i m’ughdar Ghaedhalach nó i m’fhile líomhtha thréitheach*. Cóipeanna—(1) ARÉ 23D16 (506), lch 69. Muiris Ó Gormáin a scríobh, gan dáta. (2) LB Eg. 135, f. 2. Fiachra Mhac Bhrádaigh a scríobh, 1755. (3) LB Eg. 131, f. 14. Henrí Mac an tSaoir a scríobh, 1790-3.
- (c) ‘Fegri Ó Bridi do Chugív na hIerenah’ [? = *Fiachra Ó [? Mhac] Brádaigh do Chúigibh na hÉireanna*], *Èrin èramìan drùcht na ngràs*. Cóip—(1) COBÁC A32, f. 11, scríobhaí neamhghairmiúil, gan dáta.
- (d) ‘Fáilte Aodha Mhic Bhrádaigh’, *Fíorchaoín fáilte dhuit go buan*. Cóipeanna—(1) ARÉ 23D16 (506), lch 69. Muiris Ó Gormáin a scríobh, gan

dáta. (2) LB Eg. 135, f. 4. Fiachra Mhac Bhrádaigh a scríobh, 1755. (3) LB Eg. 131, f. 14b. Henrí Mac an tSaoir a scríobh, 1790-3.

- (e) ‘Faoistin Fhiachra Mhic Bhrádaigh’, *Ghním díomas, brisiom saoire an Domhnaigh*. Cóipeanna—(1) ARÉ G.vi.1 (37), lch 7. Henrí Mac an tSaoir, 1787. (2) ARÉ 23D24 (510), lch 63. Roibeard Mhag Uidhir, 1776. (3) ARÉ 23A32 (786), lch 304. Peadar Ó Ruadhain, 1758. (4) ARÉ 24P20 (1072), lch 161. Peadar Ó Gealacáin, 1824-6, 1845-6. (5) BCM 11, lch 41. Mícheál Mhac an Bhaird, 1823-8. (6) COC T<sup>1</sup>37 (37), lch 57. Brian Ó Ruairc, 1841-2. (7) COC T<sup>1</sup>66 (f) (66), lch 53. Tomás Ó hEothasaigh, 1769-70. (8) COFLA D8, lch 20. Art Mhac Bionaid, 1856. (9) LB Add. 40766, f. 117 (ar dtuathal). Proinsias Ó Caiside, 1785 (féach (e3) thíos sa chatalóg). (10) LN G200 (a), lch 268. Peadar Ó Gealacáin, 1824-8, 1837-9. (11) LN G436, lch 167. Séamus Ó Ficheallaigh, 1823-8. (12) LN G458, lch 28. Muiris Ó Gormáin, gan dáta. Luaitear an téacs seo i gcatalóg Bhriain Uí Thomaltaigh, ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 39, uimh. 12. I gcló in Ó Muirgheasa (1936: 147-8), agus in Dawson (1992: 54-5).

De bhreis air seo, tá leagan malartach den ‘Faoistin’ in dhá lámhscríbhinn,

- (e1) *Tá do choinsiasa gan stiúradh*. Cóipeanna—(1) LBPF 16, lch 40. Aodh Mhac Domhnaill [2], gan dáta. (2) LPBF 31(2), lch 85. Roibeard Mac Ádhaimh, 1842-7. Dealraíonn sé go mbaineann an leagan seo le hAodh Mhac Domhnaill [2] amháin, óir scríobh Roibeard Mac Ádhaimh mar theideal (lch 61) leis an tsraith píosaí ina bhfuil an dán seo: ‘Poems written down from McDonnell (of Meath) 1842’. Tugtar ‘Faoistin Fhiachra Mhic Bhrádaigh’ ar

an leagan seo sna lámhscríbhinní, ach ní bheinn ag déanamh dóighe de gurbh é Fiachra a chum an dán sin.

Tá dhá fhreagra ar an dán i gcuid de na lámhscríbhinní,

(e2) ‘An Bhreith Aithrighe’, *In aghaidh do dhíomais bhig Dé Domhnaigh*.

Cóipeanna—(1) ARÉ G.vi.1 (37), lch 8. Henrí Mac an tSaoir, 1787. (2) ARÉ 23D24 (510), lch 64. Roibeard Mhag Uidhir, 1776. (3) BCM 11, lch 41. Mícheál Mhac an Bhaird, 1823-8. (4) COC T<sup>1</sup>37 (37), lch 58. Brian Ó Ruairc, 1841-2. (5) COC T<sup>1</sup>66 (f) (66), lch 54. Tomás Ó hEothasaigh, 1769-70. (6) COFLA D8, lch 21. Art Mhac Bionaid, 1856. (7) LN G200 (a), lch 269. Peadar Ó Gealacáin, 1824-8, 1837-9. (8) LN G436, lch 168. Séamus Ó Ficheallaigh, 1823-8. (9) LN G458, lch 28. Muiris Ó Gormáin, gan dáta. Catalóg Bhriain Uí Thomaltaigh, ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 39, uimh. 13. Féach an teideal atá ar an dán seo in LN G458, ‘Sin Easblóid an Athair Toirdhealbhuide do Fhiachra Mhic Bhrádaigh’. Féach Dawson (1992: 55).

(e3) ‘An Absalóid’, *Coróin Íosa ort gach oidhche go ceann ráithe*. Cóip—(1) LB Add. 40766, f. 116 (ar dtuathal). Proinsias Ó Caiside a scríobh, 1785. Féach Dawson (1992: 55).

(e4) ‘Iomarbhágh fon Bhreitheamhnus Aithrighe a Choimhlíonadh’, *Shaoil mé féin a gcomhnaighe dar mo mhóide nach de na lochtaibh*. Cóip—(1) COFLA D8, lch 22. Art Mhac Bionaid a scríobh, 1856. Leagtar an dán ar ‘F’ sa lámhscríbhinn seo. Ní dócha gur scríobh Fiachra an dán seo; tugtar ‘Faoistin Starling’ air i lámhscríbhinní eile.

- (f) *Mr. Manning, I pray receive this writing from me.* Cóipeanna—(1) ARÉ 23D16 (506), lch 69. Muiris Ó Gormáin, gan dáta. (2) LB Eg. 135, f. 2b. Fiachra Mhac Bhrádaigh, 1755.
- (g) ‘Seachrán Fhiachra Mhic Bhrádaigh’, *Nach trua libhse, a chairde, gach buaidhreadh dhá dtarla(igh).* Cóipeanna—(1) ARÉ G.vi.1 (37), lch 4. Henri Mac an tSaoir, 1787. (2) ARÉ 23E12 (769), lch 95. Nioclás Ó Cearnaigh, 1846. (3) LPBF 16, lch 52. Aodh Mhac Domhnaill [2], gan dáta. (4) LPBF 37 (c), lch 15. Somhairle Briosaín, c.1805. (5) LHC 5709 (b), lch [21]. Scríobhaí anaithnid, gan dáta. (6) LN G458, lch 31. Muiris Ó Gormáin, gan dáta. (7) LNA 72.3.2, lch 2. Donald Smith, 1798; féach (a) thuas. Catalóg Bhriain Uí Thomaltaigh, ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 39v, uimh. 40. Gabhann an nóta ‘Adgressum magna me accepit Aricia Roma’ leis an gcóip den téacs in LHC 5709 (b). I gcló in Laoide (1914: 51-4), Ó Muirgheasa (1915: 34-6), agus in MacBrádaigh (2002: 96-8).
- (h) Dán ar Aodh Mac Taithligh. *Rachaidh mé féin go toigh Aodha Mhic Taithligh ar cuairt.* Cóipeanna—(1) ARÉ 23D16 (506), lch 57. Muiris Ó Gormáin, gan dáta. (2) LB Eg. 135, f. 3b. Fiachra Mhac Bhrádaigh, 1755. (3) LB Eg. 131, f. 15. Henri Mac an tSaoir, 1790-3.
- (i) Dán ar Shéamus Ó Mainnín. *Beir beannacht is céad ina halla uaim féin.* Cóip—(1) ARÉ 23D16 (506), lch 57. Muiris Ó Gormáin, gan dáta.

Luann Edward O’Reilly (1820: ccx) trí théacs eile a bhfuair sé a gceannteidil ón Oll.

Pól Ó Briain (*q.v.*), ach theip orm teacht ar dhá cheann acu seo:

- (j) *Imchian fáilte dhuit mo dháil.* Féach, áfach, an téacs *Fíorchaoín fáilte do dháil*, a leagtar ar Philip Ministéir in LHC 5709 (b), lch [19], agus (d) thuas.

(k) *Is fiosach do chríochaibh Fódhla.*

(l) *Is triamhuineach sinne an dream na ndreas.*

### **Aguisín 10: Dánta Éamoinn Uí Chaiside**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 2080 thuas.*

Leagtar na píosaí seo a leanas air:

- (a) *Cá dream is fearr ná sliocht Ír?* 13 rr. + 1 v. Cóip—(1) CT H.6.15 (1419), lch 90. Muiris Ó Nuabha a scríobh, 1714-15 [an téacs seo: 1715]. Ar Thadhg Ó Rodaighe, gan dáta. Is dóigh le Flower gur cumadh an dán seo in 1689, *B.M. Cat.*, ii, 171, ach is cinnte, beagnach, nach bhfaca Flower an píosa féin, ach an iontráil sa *T.C.D. Cat.*, 292, ina ndéantar trácht air, agus gur chuir sé í agus an iontráil a ghabh roimpi—sórt marbhna a cheap Diarmaid Ruadh Mac an Bhaird ar Thadhg Ó Rodaighe sa bhliain sin nuair a chuaigh scéala thart go raibh sé marbh—trína chéile. Tá dán Éamoinn in eagar ag Níc Philibín (1938: 111-13).
- (b) *Cinnim comhairle le Dia.* 26 rr. + 1 v. Cóip—(1) CT H.6.15 (1419), lch 101 [teideal ar lch 98]. Muiris Ó Nuabha a scríobh, 1714-15 [an téacs: 1715]. Ar bhean Thaidhg Uí Rodaighe, Fionnghuala Nic Con Mara, gan dáta. In eagar ag Níc Philibín (1938: 104-9).
- (c) *Slán fá éirghe Elíse.* 3 rr. + 1 v. Cóip—(1) CT H.6.15 (1419), lch 121. Muiris Ó Nuabha, 1714-15 [an téacs: 1715]. ‘Iar dteacht on mbás do dheirbhshiair Thaidhg, Elís Ní Rodaighe’, 1704, dar le Muiris Ó Nuabha. In eagar ag Níc Philibín (1938: 110).
- (d) *Mó ná mionca tríall go Tadhg.* 30 rr. + 1 v. Cóip—(1) CT H.6.15 (1419), lch 125. Muiris Ó Nuabha, 1714-15 [an téacs: 1715]. Ar Thadhg Ó Rodaighe. In eagar ag Níc Philibín (1938: 114-20).



- (e) *Faoidh Fir Mhanach anocht*. 30 rr. Cóipeanna—(1) ARÉ 12E25 (908), lch 105. Séamus Mac an Ultaigh a scríobh, 1772. (2) CT H.1.14 (1288), f. 162. Aodh Ó Dálaigh a scríobh, 1750. (3) CT H.4.20 (1361), lch 44. Tadhg Ó Neachtain a scríobh, 1725-9. (4) KBC NKS286b, lgh 135-6. Scríobhaí anaithnid, 18ú hAois.<sup>3872</sup> (5) HUL Ir. 6, f. 91. Mícheál Ó Broin a scríobh, 1726-8. Ar Bhrian Mag Uidhir (*ob.*1712) [1714, dar le hÓ Tuathail (1939: 156)], mac le Cú Chonnacht Mag Uidhir (*ob.*1691). In eagar ag Stern (1899: 262-3) [? as lámhscríbhinn (4) thuas], agus ag Níc Philibín (1938: 124-30).
- (f) *Faoidh Teamhair, Teathbha is Fiodhmhaigh caoimh*. 16 vv. Cóipeanna—(1) CT H.1.14 (1288), f. 163v. Aodh Ó Dálaigh a scríobh, 1750. Gluais leis, ‘about 1710’. (2) CT H.4.20 (1361), lch 46. Tadhg Ó Neachtain a scríobh, 1725-9. (3) HUL Ir. 6, f. 93b. Mícheál Ó Broin a scríobh, 1726-8. In eagar ag Níc Philibín (1938: 120-4).
- (g) *Trom tubaisde ar shíol gColla*. 60 rr. Cóipeanna—(1) ARÉ C.vi.1(1) (936), lch 59. Toirdhealbhadh Ó Dobhailin (*q.v.*) a scríobh, 1718; (2) LPH 12079M, lch 2. Maolmuire Mhac Parthaláin a scríobh, 1776 nó 1777. Cóip aiceifileach. Ar bhás Airt Óig, Bhriain, agus Phádraig Mhig Mhathghamhna, 1691. Luaite ag Ó Tuathail (1939: 154 *n.*19) ina léirmheas ar Níc Philibín (1938), agus in eagar aige ón gcéad chóip in Ó Tuathail (1941-2). Níorbh fhios dó go raibh cóip eile ann, agus d’fhéadfadh sé go réiteodh an chóip sin cuid de na heasnaimh agus na lochtanna atá ar théacs na chéad chóipe, ach tá drochbhail ar LPH 12079M go deimhin.

<sup>3872</sup> Thug Flower faoi deara cheana, *B.M. Cat.*, ii, 604, go bhféadfadh sé go bhfuil baint ag an gcuid seo den lámhscríbhinn le Baile Átha Cliath, ach ní raibh an t-eolas iomlán aige, tharla nach bhfaca sé ach iontráil Stern (1899: 326) i dtaobh an ainm atá ag deireadh an dáin (lch 136): ‘Auf der letzten Seite unten steht von fremder Hand *p* Aodh O Dal.’, was zufällig der Name des Schribers Hugh O Daly sein könnte, der um 1750 in Dublin blühte’. Ní i bpeannaireacht Aodha Uí Dhálaigh atá an nóta—‘*per* Aodh O Dalaigh’, ach i lámh an té a scríobh an dán féin. Dhealródh sé go bhfuair sé cóip de ó Aodh, a ghráf leagan den dán seo (lámhscríbhinn 2) sa bhliain 1750.

Tá ceithre phíosá eile ann a leag Peadar Ó Gealacháin ar Éamonn Ó Caiside ina lámhscríbhinn LN G809; tugtar liosta díobh in Ó Tuathail (1940a), agus anseo thíos,

- (h) *A theachtair, déan aicearra an tsléibhe thuas*. 1 v. Cóip—(1) LN G809, lch 226. Peadar Ó Gealacháin a scríobh, 1822-5 [an téacs seo: an 21 Márta 1824]. Féach nóta 2092.
- (i) *Má mharbhann tú mé thríd éag*. 1 r. Cóip—(1) LN G809, lch 226. Peadar Ó Gealacháin a scríobh, 1822-5 [an téacs: an 21 Márta 1824]. Féach nóta 2092.
- (j) ‘Amhrán Éamoinn Uí Chaiside’, *A Chataí bhéasach is deise féachaint*. Cóip—(1) LN G809, lch 542. Peadar Ó Gealacháin a scríobh, 1822-5, nuair nach raibh sé ach ag foghlaim a cheirde [an téacs: an 24 Lúnasa 1823]. In eagar ag Ó Tuathail (1940), agus ag Dawson (1992: 86-7).
- (k) *A Pheigí an déid ghil, an tú an spéirbhean?* Cóip—(1) LN G809, lch 522. Peadar Ó Gealacháin a scríobh, 1822-5 [an téacs: an 21 Lúnasa 1823 (féach lgh 518, 525)]. Amhrán grá.

Féach an dán seo, de bhreis ar an méid thuas,

- (l) *Ní hionann Ultaigh agus Éire*. Cóip—(1) LN G167, lch 363. Séamus Bacach Mhag Uidhir a scríobh, 1727. Do Chonall Ó Domhnaill, dar leis an scríobháí. Gan dáta.

## **Aguisín 11: Bás Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 2397.*

Toisc go bhfuil glacadh leis gur éag an scríobhaí seo sa Bhóthar Mín thart faoin mbliain 1861 i mbinn an tsacraistí sa Bhóthar Mín, tugaim sleachta as an dá bhunleagan den scéal a bailíodh, maille le cúpla nóta. D’fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa an chéad cheann acu in 1934:

At my request Mr. Wm. Teegan, National School Inspector, Kells, made local inquiries, and was fortunate enough to meet a man who knew Ó Dálaigh. This is Patrick Cosgrave of Bohermeen, who was born in November, 1853. Cosgrave says he was eight years old when Peter died, which gives 1861 as the year of Ó Dálaigh’s death.

Cosgrave describes the scribe as a tall broad-shouldered man of imposing figure. His hair was uncut and hung in long ringlets about his shoulders, and he wore a long red beard which reached his waist, and which in idle moments he frequently combed with a comb which he continually carried in his pocket for the purpose. He dressed in a cut-away coat and knee-breeches, with three brass buttons at each knee. He always wore a tall hat. Owing to his long curling locks he was known locally as “Wiggie Daly.”

He was teacher of the Catholic school of Bohermeen, but according to Cosgrave, was dismissed from that position when he began to teach the Irish Bible in the evenings to a school under Protestant auspices. There was a residence attached to the Bohermeen school, but on being dismissed from the school, Peter lost the residence also.

A man named Costello succeeded him as teacher in Bohermeen, and a teacher called Norris succeeded Costello.

Peter was married and had one daughter, who became a Mrs. Montgomery. Cosgrave thinks that Peter became a Protestant for a while, as well as his two sisters who lived in the village of Bohermeen.

Peter’s poems in Irish and English were very popular at weddings and wakes around that district.

In the end of his days when Cosgrave knew him Peter did not live with his sisters, but had fitted up a room under the bell in the belfry of the Catholic chapel, where he slept and had his residence. This would suggest that he had again become friends with the priests or he would scarcely be allowed to use

the belfry as a residence, but Cosgrave thinks his two sisters died as Protestants. ... Cosgrave thinks he is not buried in the local graveyard...<sup>3873</sup>

Fuair an Ath. Tomás Ua Brádaigh an dara leagan de ón bhfear céanna, dá ngairtear Patrick Cosgrove an tráth seo, sa bhliain 1933, agus cuireadh i gcló é sa bhliain 1960. Tá neart botúin chlódóra san alt seo, agus tá na cinn is tábhachtaí ceartaithe agam idir lúibíní cearnacha. Níor bhac mé leis na sínte fada a chur isteach, áit a bhfuil siad in easnamh.

Nuair a bhí mé 'mo g[h]asúr i mBóthar Mín i gContae na Mí, ba mhinic a thug mé fe deara, nuair a bhíodh me ag Friothár an Aifrinn, fuinneog b[h]eag thuas i mbinn sacraistí an tí phobail os cionn an dorais. ... Lá amháin bhí mé ag caint air le sean-fhear, Paddy Cosgrove an t-ainm a bhí air, agus d'innis sé dom go mbíodh maistir scoile in a chonaí san seomra sin nuair a bhí seisean in a ghasúr óg. "Black Peter Daly" a bheireadh siad air. ... San bhliain 1933 cuireadh ai[nm] Pheadair dhuibh ar mo shúile arís. An bhliain sin cuireadh amach "Amhráin na Midhe" le hEnrí Ó Muirgheasa. ... T[h]ug an cuntas [ar Pheadar Dubh] orm spéis a chur i saol agus saothar an fhile agus chinn mé ar g[h]abháil ar cuairt chuig Paddy Cosgrove ... D'innis sé dom go bhfuair Peadar dubh bás nuair a bhí sé féin ocht mbliana d'aois agus go bh[f]aca sé go minic é. F(h)ear árd mór leathan-g[h]uailleach a bhí ann, a chuid gruaige i nduala fada síos go dtí a ghuaillí agus bhí féasog rua air. Tugadh "Wiggie Daly" mar leasainm air mar gheall ar an chúl fada catach a bhí air. An uair sin bhí sé in a chónaí san seomra sin os cionn sacraistí an tí phobail a lua [*sic*] mé thuas. Dúirt Paddy fosta gur iompuigh sé ina phrotastunach seal dá s[h]aol agus gur chaill [s]é a phost dá bharr. Bá leasc le Paddy bheith ag caint air, dar liom, agus níor mhaith liom leanúint ar aghaidh leis an fhiosrúchán. ... Dúirt sé go gcumadh Peadar dubh bhéars[a]íocht i nGaeilge agus i mbéarla agus go mbíodh tóir mór ar na hamhráin. Bhíodh na daoine á n[-]aithris, go háirithe ag na fairí.<sup>3874</sup>

Ba chóir a lua i dtús áite go réitíonn an dá chuntas go maith lena chéile, cé gur léir gur tharla cuid de na heachtraí a aithristear anseo i bhfad sular rugadh Paddy Cosgrove é féin, agus caithfidh sé gur chuala sé iad ó dhaoine eile. Ní dóigh liom gur cheistigh éinne ó shin i leith cruinneas an scéil seo, seachas Séamus Ó Casaide: 'Énri

<sup>3873</sup> Mar a thugtar an scéal in Ó Muirgheasa (1934a: 6-7).

<sup>3874</sup> Thug mé an cuntas seo mar atá sé i gcló in Ua Brádaigh (1960: 47), ach gur mharcáil mé séimhithe, nó litreacha, a bhí in easnamh nó nach raibh gá leo.

Ó Muirgheasa has preserved a pen picture of an old Meath schoolmaster, but I wonder if there has arisen any confusion in local tradition about two men of the same surname...’ (Ó Casaide 1934*b*: 141). Is é an phríomhfhadhb leis an dá chuntas an cur síos a dhéantar ar chuma fhisiciúil Pheadair Dhuibh Uí Dhálaigh. Ó tharla gur pósadh sa bhliain 1809 é, is ar éigean a d’fhéadfadh sé a bheith níos óige ná 70 bliain d’aois in 1861. Tá Patrick Cosgrove ag trácht ar fhear féasóige rua a bheadh i bhfad níos óige go deimhin ná Peadar Dubh. Is mór an bac an fhéasóg rua toisc go dtugtaí Peadar Dubh Ó Dálaigh ar an scríobhaí. Ná ní féidir gur leasainm maslach é ‘Dubh’ a baisteadh air, mar gheall ar an athrú creidimh a rinne sé, óir tugann sé ‘Pedar dubh Ua Dalaigh’ air féin in 1826,<sup>3875</sup> thart ar dheich mbliana sular iompaigh sé. Is dócha gur ag trácht ar thréith fhisiciúil atá an leasainm seo, gruaig nó craiceann dorcha, rud a rachadh in aghaidh chuntas Paddy Cosgrove ar bhealach amháin nó eile. Ní fhaca mé an dara leasainm, ‘Wiggie’ Daly, áit ar bith eile.

Dála na tagartha don ‘one daughter, who became a Mrs. Montgomery’, ní maith a théann sí leis an scéal a d’inis Seán Ó Donnabháin dúinn ina thaobh, agus an beagán taifead paróiste a tháinig slán chugainn, cé go bhféadfadh sé go bhfuil míniú simplí air seo. Ní heol dom go raibh iníon aige ar chor ar bith (cé gur dócha go raibh), ach bhí mic aige, agus ní féidir liom teacht ar thaifead ar bith ar phósadh idir duine dar shloinne Daly (idir fhir agus mhná) agus duine dar shloinne Montgomery i gcláir Chaitliceacha an Bhóthair Mhín, a thosaíonn sa bhliain 1832, ná i gcláir shibhialta na bpóstaí, a chlúdaíonn póstaí nach póstaí Caitliceacha iad ón 1 Aibreán 1845, agus gach pósadh ón 1 Eanáir 1864 ar aghaidh (seachas na gnáthbhearnaí), ná tagairt dá laghad do lánúin phósta dar shloinne sin i leabhair baistí na bparóistí Caitliceacha, srl.

---

<sup>3875</sup> LB Eg. 208, f. 37; féach an *B.M. Cat.*, ii, 135.

Fadhb eile leis na cuntais seo is ea go bhfuil a fhios againn gur fhág Peadar Dubh Ó Dálaigh an Bóthar Mín ina dhiaidh sna 1830í, le cur faoi i mBaile Átha Buí, áit a raibh sé ina chónaí idir 1839 agus 1844, an bhliain a dtéann sé as radharc. Is dóigh, nó tá an chuma air, cibé rud é, go ndearna sé sin mar gheall ar easaontas a tharla idir é agus muintir na háite mar gheall ar an iompú creidimh a rinne sé, nó ar an bpáirt a bhí aige i bhfoilsíú na leabhar Protastúnach sin a pléadh i gCaib. 2.145, sa dóigh nach mbeadh fáilte roimhe ann dá bharr sin. Cén fáth a bhfillfeadh sé ar an áit, mar sin? Cé go bhféadfaí formhór na rudaí seo a mhíniú ar dhóigh amháin nó eile, is é an léamh a dhéanaim ar an dá chuntas seo go bhfuil bloghanna de scéalta éagsúla iontu a bhaineann le múinteoirí éagsúla, Luke Daly ina measc: an té a chaith seal ag teagasc sa bheistrí sa Bhóthar Mín sa bhliain 1834 (Ó Casaide 1934*b*: 141) sular iompaigh sé *c.*1837, agus gur cuireadh iad trína chéile sa traidisiún béil. Ag filleadh siar ar an argóint a rinne Séamus Ó Casaide gur cuireadh traidisiúin áitiúla faoi bheirt mhuinteoirí a raibh an sloinne céanna acu trína chéile, is fiú a lua nach dtugann Paddy Cosgrove céadainmneacha na múinteoirí a bhí ag teagasc sa dúiche níos faide anonn sa 19ú hAois, fiú. Níorbh aon ionadh é, mar gheall air sin, má rinneadh praiseach den scéal, beagán, sa dóigh gur meascadh go hiomlán Peadar Dubh agus Luke Daly, a bhí marbh le fada, sa traidisiún béil agus go ndearnadh duine amháin díobh.

B'fherr gan glacadh leis an scéal seo, nó go dtiocfaidh sonraí eile faoi bhlianta deiridh a shaoil chun solais.

## **Aguisín 12: Sliocht Eoin Uí Fhionnagáin**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 2617.*

Cuireadh i gcló i nótaí 2616, 2617 thuas sleachta as *Cláir na mBaistí & na bPóstaí, Dún Seachlainn, 1789-1843, 1801-1834*, a léiríonn gur pósadh John Finnigan le Mary Flood ar an 29 Deireadh Fómhair 1810, agus gur baisteadh ina dhiaidh sin na páistí seo sa pharóiste céanna:

1. [3 Aibreán 1811]. Bridget. John Finegan, Mary Flood. Law: Meriman, Cath: Madden. C[ulmullen].
2. May 1 [1813]. Owen. John Finegan, Mary Flood. Jas Blackburn, Judith Merryman. C[ulmullen].
3. 19 [Bealtaine 1815]. Patt. John Finnegan, Mary Tully. Peter Tiney, Judy Merriman. C[ulmullen].
4. 16 [Meitheamh 1817]. Michael. John Finigan, Mary Flood. Joseph Leany, Bridget Madden. C[ulmullen].
5. 13 [Márta 1820]. May. Jn<sup>o</sup> Finnigan, Mary Tully. James Heffernan, Ellinor Blackburn. C[ulmullen].

Dála na n-iontrálacha do Patt Finnegan agus May Finnigan thuas, cha dtig liom taifead de phósadh idir John Finnegan agus Mary Tully a aimsiú i dtaifid an pharóiste, agus ó tharla nach dtagann an sloinne Ó Fionnagáin aníos sna taifid ach go hannamh, is féidir gur rugadh an cúigear páistí don lánúin chéanna, agus go bhfuil lúb ar lár éigin ann sna taifid i gcás shloinne breithe na máthar. Míniú amháin ar an scéal is ea go dtéann an dá leagan seo, Flood agus Tully, siar d'aon leagan Gaeilge

amháin, Mac Maoil Tuile / Ó Maoil Tuile, agus gur aistrigh an cláraitheoir a sloinne go hábharach go Béarla nuair a bhí sé ag gabháil do na hiontrálacha a scríobh.

Tabhair faoi deara fosta gur baisteadh Bridget Finegan eile, iníon le W<sup>m</sup> Finegan agus Cath: Hughes ó Dhún Seachlainn ar an lá céanna agus a baisteadh an Bridget Finegan thuas, an 3 Aibreán 1811. Ní féidir liom teacht ar thagairtí dóibh i gCláir na nAdhlacthaí, Dún Seachlainn, 1799-1828, 1863-72, seachas John Finagan éigin ó Chúil Mhaoilín a fuair bás an 3 Nollaig 1805, agus Marg<sup>t</sup> Finagan, Cúil Mhaoilín, ar an 4 Eanáir 1806.

Braitheadh sa tréimhse inar scríobhadh na taifid seo gurbh aontas de thrí pharóiste é paróiste Caitliceach Dhún Seachlainn: Cúil Mhaoilín (Culmullen), Dún Seachlainn (Dunshaughlin), agus Cnoc Marc (Knockmark). Léirítear iad seo mar ‘C’, ‘D’, agus ‘K’ sna cláir, agus ní féidir glacadh leo mar sheoltaí cruinne dá bharr sin.

Tá roinnt eolais eile againn faoi mhuintir an scríobhaí a ligeann dúinn bailíocht na dtaifead seo a mheas. Bhreac Peadar Ó Muireadhaigh, seanchonraitheoir a bhí lonnaithe i nDún Seachlainn,<sup>3876</sup> nóta gearr ar ARÉ 23079 (1388)<sup>3877</sup> ina dtugann sé le fios go bhfuair sé í ó ‘the late John Finegan the last survivor of the Family’ sa bhliain 1900. Ba ó Pheadar a cheannaigh an tAcadamh an lámhscríbhinn sa bhliain 1942, mar a luaitear san *R.I.A. Cat.*, 3582; thug sé breis eolais faoin John Fin(n)egan seo cúpla mí roimhe sin d’iriseoir de chuid an *Meath Chronicle*,

Asked how he came into possession of the manuscript, Mr. [Peadar] Murray told him that it was given to him by the last representative of the scribe’s family who was a painter and decorator in Dunshaughlin. His name, too, was John Finegan and Mr. Murray was his best man at his marriage. He died without issue.<sup>3878</sup>

---

<sup>3876</sup> Tuilleadh sonraí in Ó Muirí (2014).

<sup>3877</sup> Lch [vi].

<sup>3878</sup> *Meath Chronicle*, 13 Nollaig 1941.



Níl ach taifead pósta amháin i gcláir stáit Aontas Dhún Seachlainn ar John Finnegan ar bith, agus a cláraíodh sa 19ú hAois: pósadh a céiliúradh in Eaglais Chaitliceach Dhún Seachlainn ar an 5 Meán Fómhair 1898 (*OAC*, Cláruimhir: 2354846). Mac lánaosta le ‘Michael Finnegan (Deceased)’ a bhí ann; ba í Jane Daly ón mbaile céanna a bhean chéile, agus ba iad Peter Murray agus Annie Daly na faisnéiseoirí. Is fiú a lua gur siúinéirí iad John Finnegan agus Michael Finnegan araon ar an taifead, agus is deimhin beagnach go bhfuil sealbhóir na lámhscríbhíne i gceist ann.

Is í an chéad iontráil bhailí eile a fhaigheann muid i measc na dtaifead teastas báis John Finnegan, rud a chláraigh James Daly in Aontas Dhún Seachlainn (*OAC*, Cláruimhir: 4433778) ar an 10 Iúil 1900. Deirtear ann gur cailleadh John Finnegan ar an 15 Bealtaine 1900 i nDún Seachlainn, go raibh sé pósta, 36 bliana d’aois, agus go raibh sé ina shiúinéir. Cuig mhí ina dhiaidh sin, rug a bhaintreach, Jane Daly, ar an saol iníon ar an 31 Deireadh Fómhair 1900, ar ar bhaist sí Catherine Gertrude Finnegan (*OAC*, Cláruimhir: 48154); agus phós Jane fear darbh ainm Michael Carberry ar an 11 Meitheamh 1911 (*OAC*, Cláruimhir: 1883025). D’fhan sí i nDún Seachlainn, áit a raibh teach ósta aici, agus ar rugadh páiste amháin eile di, ar a laghad.<sup>3879</sup> Níl ach iontráil amháin sna cláir baistí a thagann le haois John, nó gar dó ar chor ar bith: John, mac le Michael Finigan, D[unshaughlin], agus Ann Cowley, a baisteadh ar an 15 Nollaig 1863. Taifeadadh i gclár an pharóiste gur pósadh a chuid tuismitheoirí ar an 15 Feabhra 1863. Tharla go gcaithfidh sé go bhfuair athair John, Michael Finnegan, bás am éigin idir mí an Mhárta 1863 .i. naoi mí sular tháinig a mhac ar an saol, agus an 5 Meán Fómhair 1898, tá gach seans ann go mbeadh teastas báis ar fáil dó, toisc gur thosaigh an stát a chlárú básanna i mí Eanáir 1864. Níor cláraíodh ach bás Michael Finnegan amháin in Aontas Dhún Seachlainn idir na dátaí

---

<sup>3879</sup> Áit ar rugadh a mac, Stephen Carberry, ar an 9 Eanáir 1913 (*OAC*, Cláruimhir: 1226822).

sin—Michael Finnegan, siúinéir agus baintreach fir, a fuair bás i nDún Seachlainn an 30 Eanáir 1892 (*OAC*, Cláruimhir: 3813916), agus é 74 bliana d’aois. Má tá an aois seo iomlán cruinn, thioctadh de sin gur rugadh é idir mí Eanáir 1817 agus mí Eanáir 1818, rud a réitíonn go díreach le taifead baiste an Michael Finigan a rugadh do John Finigan agus Mary Flood a luadh thuas, an t-aon tagairt atá i gclárleabhar an pharóiste do Micheal Finnegan (Finigan, srl.) a baisteadh ann idir an bhliain 1789 agus deireadh na 19ú hAoise. Tagann de sin gur gharmhac leis an scríobhaí an té a bhronn an lámhscríbhinn ar Pheadar Ó Muireadhaigh, agus gur aistrigh mac leis an scríobhaí, Michael Finnegan, go Dún Seachlainn. Fuair bean Michael Finnegan, Anne Finnegan (iníon Cowley), bás ar an 6 Samhain 1890, in aois a 48 mbliana (*OAC*, Cláruimhir: 6006878), agus níor chruinn do Pheadar Ó Muireadhaigh amach is amach a áiteamh gurbh é an ball deiridh den teaghlach é John: taobh amuigh den iníon a bhí aige, bhí deirfiúracha aige fosta—Mary Finnegan a phós póilí darbh ainm John Costello ar an 1 Iúil 1895 (*OAC*, Cláruimhir: 2222492), agus Christina Jane Finnegan (1869–), a rugadh i mBaile Átha Cliath.

Ní éasca a dheimhniú gur aistrigh Eoin Ó Fionnagáin é féin go Dún Seachlainn, áfach. Sa *Leabhar Tithe* a chuir lucht na Suirbhéireachta Ordanáis le chéile don bhaile sin sa bhliain 1853, tagraítear do chúpla duine darbh ainm John Finnegan. Bhí cónaí ar dhuine acu ar Bhóthar Dhroichead Átha ón mbliain 1847 ar aghaidh. Deatheach, póirse, oifig, agus leithreas ar chúis íslithe ón gCaipit. Willoughly Bond a bhí san áitreabh. Bhí John Finnegan eile ar an \*tSr. Mhór [Main Street] ag an am.

Luaitear an bheirt acu i *Luacháil Griffith* (1854), agus níl tuairisc ar John Finnegan ar bith a bheith ina chónaí i gCúil Mhaoilín. Féach, áfach, an cuntas a tugadh cheana ar Eoin ag deireadh a bheathaisnéise i gCaib. 2.168 thuas, rud a thabharfadh le fios

go raibh sé ag fáil lóistín ó theaghlach i gCúil Mhaoilín. Ní bheadh taifead air i  
*Luacháil Griffith* sa chás sin.

### **Aguisín 13: Peadar Ó Gealacháin—Áiteacha Scríofa, Teagaisc, agus Cónaithe**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 2662.*

Tugann Peadar Ó Gealacháin tranglam mór seoltaí / áiteacha scríofa ina chuid scríbhinní, agus tá easpa leanúnachais áirithe i gcruinneas agus i méid an eolais a thugann sé ó áit go chéile, sa dóigh go bhféadfadh sé gur ag tagairt don áit chéanna a bhíonn sé, mar shampla, nuair a luann sé ‘Ard Mhacha Bréige’ agus ‘paróiste Mhaigh nEalta’ i gcúpla lámhscríbhinn a scríobh sé sna 1840í. Is gnách leis an seoladh Baile Mhic Cathnaoin a thabhairt, cé go léitear i gcuid de na lámhscríbhinní luatha a ghráf sé do Roibeard Mac Ádhaimh gurbh ‘ó Chonndae na Mídh’<sup>3880</sup> nó ó pharóiste Mhaigh nEalta dó.<sup>3881</sup>

Ar mhaithe leis an gceist seo a shoiléiriú, tá Caisleán Cam agus Baile Mhic Cathnaoin i bparóiste Mhaigh nEalta, agus dhealródh sé go raibh an tuairim ag Peadar Ó Gealacháin é féin gur cuid de Bhaile Mhic Cathnaoin é Caisleán Cam, tharla go dtugann sé Caisleán Cam Ard Mhacha Bréige air amanna; féach go scríobhann sé áit eile—‘Ballymacain otherwise Castlecom’.<sup>3882</sup> Tugtar corrseoladh eile ina chuid nótaí ó am go chéile; is minic a bhítear in amhras cé acu ionaid chónaithe, teagaisc, nó eile atá i gceist. Is é is dóichí go raibh sé tar éis socrú i mBaile Mhic Cathnaoin, nó i bhfocail eile, i gCaisleán Cam, sna 1820í agus go raibh sé lonnaithe ann ar feadh thart ar thríocha bliain ar a laghad, agus gurb iad na hionaid teagaisc a bhí aige a bhí ag síorathrú, in ainneoin a dtuigfí, ar an gcéad léamh, ón gcuntas a thug sé ar na háiteacha ar mhúin sé daltaí go luath ina shaol. Díreach le go mbeidh faisnéis na

---

<sup>3880</sup> LPBF 24, lch 73.

<sup>3881</sup> LPBF 23, lch [1].

<sup>3882</sup> LN G809, lch 535.

lámhscríbhinní ar fáil in aon áit amháin, tugaim anseo liosta de na loig scríofa / seoltaí a tháinig i mo threo agus mé ag dul trína chuid scríbhinní, ó 1822 go 1829 agus ó 1837 go 1854, agus iad leagtha amach de réir dáta. Féadtar sin a chur i gcomparáid lena bhfuil sa liosta a thugann sé féin de na háiteacha a raibh scoileanna aige in LN G809, lch 789, atá i bprionta in Ó Buachalla (1968: 123-4), agus i gCaib. 2.171 thuas. Na dátaí a bhfuil réiltín leo sa dara colún anseo, is iad na laethanta féin iad ar thosaigh Peadar ar an lámhscríbhinn atá faoi chaibidil a scríobh den chéad uair, nó ar scoir sé dá scríobh, de réir chuntas Pheadair é féin. Baineadh na seoltaí a dtugtar ‘Iona(i)d Teagaisc’ orthu as an liosta a chuir Peadar Ó Gealacháin é féin le chéile in LN G809, lch 789, gan an fhoinse a lua anseo, agus as *Tuarascáil* 1824, agus 1834.<sup>3883</sup>

Bliain	Lámhscríbhinní	Log, Tagairt [Dáta Cruinn]
1822	LN G809 [15/1/1822]	[Ionaid Teagaisc. <b>Hugh Tully’s, Ard Mhacha Bréige</b> , 12/12/1821 – [1]/5/1822; <b>Widow Flood’s, Ard Mhacha Bréige</b> , 1/5/1822 – [ ]/10/1822].
1823	LN G809 [7/3/1823 – 9/11/1823]	<b>Caisleán Cam</b> :—LN G809, lgh 463 [12/8/1823], 467 [c.13/8/1823], 617 [28/8/1823], 686 [3/9/1823]; ‘ <b>Ballymacain otherwise Castlecom</b> ’:—LN G809, lch 535 [22/8/1823]; <b>Ard Mhacha Bréige</b> :—LN G809, lch 553 [25/8/1823]; ‘ <b>teagascóir ag an gCaisleán Cam</b> ’:—LN G809, lch 666 [1/9/1823]; ‘ <b>Castlecom School</b> ’:—LN G809, lch 813 [12/9/1823]; <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> :—LN G809, lgh 393 [9/11/1823], 624 [29/8/1823]. [Ionad Teagaisc. <b>P[at] Muldoon’s, [Caisleán Cam]</b> , 2/1/1823 – 26/9/1823].
1824	ARÉ 24P20(2) (1072) [5/9/1824] C Add. 6563 (42) [29/7/1824 – 19/10/1824] LN G200 (a) [27/12/1824*] LN G809 [16/1/1824 – 21/3/1824]	<b>Caisleán Cam</b> :—LN G809, lgh 12 [c.19/1/1824], 101 [21/2/1824]; LN G200 (a), lch 177 [27/12/1824]. Síntiúsóir le <i>Love of Britain</i> (1824), <b>Caisleán Cam</b> . [Ionaid Teagaisc. <b>Michael Clarke’s, An Choill Bhán</b> , [ ]/2/1824 – [ ]/?2/1824; <b>Owen Cassidy’s, Tamhas</b> , 4/6/1824 – [2]/10/1824; <b>Philip Cassidy’s, [? Tamhas]</b> , 4/10/1824 – 19/10/1824, 29/11/1824 – 13/4/1825; <b>Tamhas, Tuarascáil</b> 1824, 732-3].
1825	ARÉ 24P20(2) (1072) [6/1/1825]	<b>Tamhas</b> :—COC M55 (55), lgh 79

<sup>3883</sup> Maidir leis na *Petty Sessions*, féach Caib. 2.171, nóta 2708 thuas.

	COC M55 (55) [20/1/1825 – 11/4/1825*] LN G809 [23/8/1825 – 26/8/1825]	[22/2/1825], 137 [18/3/1825]; <b>Caisleán Cam:</b> —COC M55 (55), lch 179b [29/3/1825]. [Ionaid Teagaisc. <b>Philip Cassidy's, [? Tamhas]</b> , 29/11/1824 – 13/4/1825; <b>Baile Chrúis</b> , 18/4/1825 –, ‘for 12 months’, mar a shíl Peadar].
1826	ARÉ 24P20(2) (1072) [9/2/1826 – 20/3/1826] C Add. 6563 (42) [8/6/1826 – 18/7/1826]	<b>Baile Chrúis:</b> —ARÉ 24P20(2) (1072), lgh 250 [9/2/1826], 280 [20/3/1826]; <b>teach scoile Bhaile Chrúis:</b> —C Add. 6563 (42), f. 62v [8/6/1826]; <b>Baile Chrúis:</b> —C Add. 6563 (42), f. 79v [13/7/1826]; [Ionad Teagaisc. ? <b>Baile Chrúis</b> —féach 1825 agus an tagairt ó C Add. 6563 (42) thuas].
1827	ARÉ 3B39 (250) [7/8/1827 – 17/11/1827] C Add. 6563 (42) [28/8/1827 – 19/12/1827] OÉG H39 [24/11/1827*] Breiseanna: OÉG H4 [30/9/1827]	<b>Caisleán Cam:</b> —ARÉ 3B39 (250), lgh 130 [13/8/1827], 146 [1/9/1827], 289 [17/11/1827]; <b>Corskeltaugh:</b> —C Add. 6563 (42), f. 39v [28/8/1827]; <b>Caisleán Cam:</b> —OÉG H4, lch 4 [30/9/1827]; <b>Maigh nEalta (par.):</b> —Ráiteas óna láimh, <i>Dublin Weekly Register</i> , 6/10/1827; <b>Caisleán Cam:</b> —OÉG H39(1), lch 1 [24/11/1827]; <b>Dún an Rí, Co. an Chabháin:</b> —C Add. 6563 (42), f. 51 [? c.19/12/1827].* Síntiúsóir le <i>Ireland's Dirge</i> (1827), <b>Caisleán Cam.</b> * Féach nóta 2649 thuas.
1828	OÉG H39 [18/2/1828] C Add. 6563 (42) [5/6/1828 – 18/12/1828] LN G200 (a) [21/11/1828 – [ ]/12/1828] Eiseamláir OÉG H39: MN B1 [27/3/1828]	<b>Caisleán Cam:</b> —OÉG H39(1), lch 106 [18/2/1828]; <b>Baile Mhic Cathnaoin:</b> —C Add. 6563 (42), f. 87v [5/6/1828]; <b>Caisleán Cam:</b> —LN G200 (a), lgh 296 [21/11/1828], 325 [ [ ]/12/1828]; <b>Baile Mhic Cathnaoin:</b> —C Add. 6563 (42), f. 34v [18/12/1828];
1829	Ceangal: OÉG H39 [3/8/1829]	—
1834	—	[Ionad Teagaisc. <b>Baile Mhic Cathnaoin, Tuarascáil</b> 1834, 132a].
1837	LN G200 (a) [16/9/1837 – 27/9/1837]	<b>Baile Mhic Cathnaoin:</b> —LN G200 (a), lch 36 [27/9/1837].
1839	LN G200 (a) [5/7/1839 – 19/8/1839]	<b>Maigh nEalta (par.):</b> —LN G200 (a), lch 75 [5/7/1839]; <b>Ard Mhacha Bréige:</b> —LN G200 (a), lch 140 [1/8/1839]; <b>Baile Mhic Cathnaoin:</b> —LN G200 (a), lch 162 [19/8/1839].
1841	DE Gen. 43D [10/8/1841* – 10/11/1841] Deisiú: COBÁC C4 [19/8/1841]	<b>Caisleán Cam Ard Mhacha Bréige:</b> —DE Gen. 43D, lch 111 [3/10/1841]; ‘ <b>formerly in Cainstown</b> ’:—DE Gen. 43D, lch 123 [6/10/1841].
1842	DE Gen. 43D [27/1/1842 – 9/10/1842] Breiseanna: LN G809 [1842]	<b>Baile Mhic Cathnaoin:</b> —DE Gen. 43D, lgh 199 [12/2/1842], 235 [12/3/1842], 273 [28/6/1842].
1843	DE Gen. 43D [13/2/1843 – 14/12/1843] ARÉ 3C4i (a) (1018) [4/9/1843 – 22/12/1843]	<b>Maigh nEalta (par.):</b> —DE Gen. 43D, lch 434 [7/3/1843]; <b>Baile Mhic Cathnaoin:</b> —DE Gen. 43D, lgh 493 [25/5/1843], 537 [6/9/1843], 600 [14/12/1843]. [ <i>Petty Sessions</i> , CN CSPA 3/060. <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> , 7/9/1843].
1844	DE Gen. 43D [18/1/1844 – 10/2/1844*] LN G1152 [*28/3/1844 – 9/7/1844]	<b>Baile Mhic Cathnaoin:</b> —DE Gen. 43D, lch 701 [10/2/1844]; ‘ <b>ó Chonndae na</b>

	LPBF 24 [4/6/1844] Deisiú: OÉG H38 [13/7/1844] OÉG H15 [31/7/1844] LPBF 23 [? – 12/12/1844*] Eiseamláir LPBF 23: ARÉ 24P21 (97) [29/12/1844]	<b>Mídh'</b> :—LPBF 24, lch 73 [gan dáta]; <b>le taobh Mhaigh nEalta</b> :—LPBF 24, lch 195 [4/6/1844]; <b>An Mhí</b> :—OÉG H38, fordhuilleog chúil [13/7/1844]; <b>Maigh nEalta (par.)</b> :—OÉG H15, lch 210 [31/7/1844]; LPBF 23, lch 1 [12/12/1844]. [ <i>Petty Sessions</i> , CN CSPA 3/060. <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> , 3/10/1844, 24/10/1844].
1845	ARÉ 24P20(3) (1072) [21/2/1845* – 29/7/1845] Deisiú: ARÉ 24P11 (1067) [[ ]/10/1845]	<b>Maigh nEalta (par.)</b> :—ARÉ 24P20(3) (1072), lch 412 [29/7/1845]; ARÉ 24P11 (1067), lch 1a [? [ ]/10/1845].* [ <i>Petty Sessions</i> , CN CSPA 3/060. <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> , 21/4/1845, 24/4/1845, 1/5/1845, 22/5/1845]. * Scríobh Peadar an nóta tar éis an dáta sin, óir deir sé gur deisíodh an lámhscríbhinn 'about the latter end of October A.D. 1845'.
1846	ARÉ 24P20(3) (1072) [17/1/1846]	—
1847	ARÉ 3B39 (250) [13/2/1847 – 12/3/1847] Deisiú: LN G809 [12/6/1847] Deisiú: ARÉ 23C1 (371) [21/9/1847]	<b>Maigh nEalta (par.)</b> :—ARÉ 3B39 (250), lch 30 [13/2/1847]; <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> :—ARÉ 23C1 (371), taobh istigh den chlúdach tosaigh [21/9/1847].
1848	LN G1152 [15/7/1848] ARÉ 3B39 (250) [26/10/1848 – 4/11/1848*]	<b>Baile Mhic Cathnaoin</b> :—LN G1152, lch 347 [15/7/1848]; <b>Maigh nEalta (par.)</b> :—ARÉ 3B39 (250), lch 68 [1/11/1848]; <b>teagascóir ag Ard Mhacha Bréige</b> :—ARÉ 3B39 (250), lch teidil [4/11/1848].
1850	C Add. 6563 (42) [24/2/1850 – [ ]/10/1850] COBÁC F20(2) [5/11/1850] ARÉ 3C4i (a) (1018) [6/11/1850]	<b>Scoil Petersvilla</b> :—C Add. 6563 (42), f. 104 [24/2/1850]; <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> :—C Add. 6563 (42), f. 115v [[ ]/10/1850]; ARÉ 3C4i (a) (1018), f. 43v [6/11/1850]; [ <i>Petty Sessions</i> , CN CSPA 3/061. <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> , 4/5/1850, 20/6/1850].
1851	ARÉ 3C4i (a) (1018) [21/3/1851*] COBÁC F20(1) [3/4/1851] LN G1152 [10/6/1851*] LN G199(1) [17/6/1851 – 20/6/1851] Litir: LN G702(20) [c.7/10/1851]	<b>'úa Chonntae na Mídh'</b> :—LN G199(1), lch 304 [17/6/1851].
1852	—	[ <i>Petty Sessions</i> , CN CSPA 3/061. <b>Baile Mhic Cathnaoin</b> , 17-18/3/1852].
1853	ARÉ 3B38 (251) [5/4/1853* – 24/11/1853]	—
1854	ARÉ 3B38 (251) [19/4/1854 – 4/5/1854] Litir: LN G702(20) [12/4/1854] Litir: LN G702(20) [28/4/1854]	<b>Baile Mhic Cathnaoin</b> :—LN G702(20), litreacha 2 [12/4/1854], 3 [28/4/1854]. [ <i>Luacháil Griffith</i> —Baile Mhic Cathnaoin, 1854].

#### **Aguisín 14: Patrick Galligan (c.1830-1902), mac Pheadair Uí Ghealacáin**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 2677.*

An béaloideas seo a bailíodh ó Pat Galligan, Baile Thomáis, An Chill Bheag, ar an 12 Samhain 1970, tá sé thar a bheith cruinn, nuair a chuirtear san áireamh go raibh sé ag trácht ar dhuine a bhí marbh le 110 bliain an tráth sin. Chreid Pat Gallegan go diongbháilte gur gharmhac le Patrick Galligan (c.1830-1902) é, agus gurbh iarua le Peadar Ó Gealacáin é, mar a fheicfeá anseo thíos,

I'm moving on for seventy-five now—I'll be seventy-five next July if I'm alive. ...

Peadar Galligan, the poet, was my great-grandfather. ... He's buried in Kilmainhamwood. There's no headstone to mark his grave.

Kilmainhamwood is our burial ground. My grandfather, Pat Galligan, died in January, 1902, and he's buried in his grave. In those days the funeral used be brought from the house. There was no such thing as going to the chapel. It left Galligan's Bridge beyond, about three o'clock in the evening.

Peadar Galligan had one son who was a shoemaker by trade and went to live in Carlanstown, on the left-hand side as you go for Kells. That's where my father was born.

Anyway, Peadar was teaching in Ardamagh and it seems that after his wife dying—she died shortly after the birth of my grandfather and he was a man that was always fond of drink—he had some difference with the parish priest in Moynalty. So he went out and taught school around Maracloon, near Kingscourt, for years. He came back eventually to Kilmainhamwood where he died and is buried. ...

He taught in cowsheds. When he left Ardamagh the parish was so anxious to get him back to teach that the landlord built a house for him just beyond Galligan's Bridge. Just about that time Kilbeg National School was built and he never taught school. But my grandfather when he was married went to live to that house and that's where he died. That's what brought us over to the bridge. We're Carlanstown.

There was only one thing wrong with that book [? Ó Muirgheasa (1915)]—Henry Morris said that Peter Galligan was never married. This was a mistake or a misprint. He was married to a girl called Tenneson and now called Thompson. There are names like that, you see, that were changed. ...



It was late at night when they buried my grandfather and there was a slab over his grave which had three notches cut on the top of it with a chisel. It must be that it was thrown into the grave because the next that died belonging to the Galligans was an uncle of mine, Christie, in 1910. When we went down to Kilmainhamwood to look about the grave we couldn't get it.<sup>3884</sup>

Fuair Breandán Ó Buachalla (1968: 206 *n.8*) cuntas eile den sórt seo ó Pat Galligan ar ar chaith sé roinnt mhaith amhrais:

Bíodh go ndeir Peadar “mo pháistí” chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach ní raibh ach an t-aon mhac amháin de chlann air. Deir Pádraig Ó Gealacháin (An Chill Bheag, Droichead Chearbhalláin, Ceanannus Mór, Co. na Mí, a deir gur iarua le Peadar é), liom gur Pádraig ab ainm don mac so agus go bhfuair sé bás ar an 8/1/1902 agus é dhá bhliain déag is trí fichid d’aois; go bhfuair a mháthair bás go gearr tar éis a shaolaithe agus gurbh iad muintir a mháthar a thóg é agus a thug ceard na gréasaíochta dó. Ní thagann san, ámh, leis an eolas a thugann Peadar i dtaobh a mhic ...

Is deimhin go raibh mac ag Peadar Ó Gealacháin darbh ainm Peter: bhí sé ina fhear óg agus post aige sa Soho Foundry in 1854, agus é ag súil le dul ar imirce an bhliain sin—féach an litir dar dáta an 12 Aibreán 1854 a priontáladh i gCaib. 2.171—ach d’fhéadfadh sé go raibh mic, nó mac amháin, ar a laghad, eile aige. An Pat Galligan seo, is ionann é agus an té a thug cuntas do Mhaighréad Nic Conmhíde faoi scriosadh seanlámhscríbhinní Pheadair i dteach a uncail thart ar an mbliain 1920 (Ó Buachalla 1968: 278 *n.2*). Níor mhiste cuntais Pat Galligan a scrúdú, mar sin, le go ndéanfar amach cá fiú iad.

Ní thagann an dá chuntas a tugadh thuas salach ar a chéile áit ar bith, agus soláthraíonn siad roinnt mhaith eolais faoi Pat é féin agus faoina mhuintir: (1) gur rugadh Pat Galligan thart ar mhí Iúil 1896; (2) go dtugtaí Patrick Galligan ar a sheanathair fosta, gréasaí a fuair bás an 8 Eanáir 1902, tuairim agus 72 bhliain d’aois;

---

<sup>3884</sup> Leagan den scéal a fuair Fitzsimons ó bhéalaithe Pat Galligan sa bhliain 1970, agus a cuireadh i gcló in Fitzsimons (1974: 200, 204-6).

(3) go raibh uncail ag Pat Galligan óg (mac Charles, mar a tchífeadh anois) darbh ainm Christie [Galligan], a fuair bás in 1910; (4) nach raibh ach mac amháin ag Peadar Ó Gealacháin, de réir mar a thuig Pat (mac Charles) an scéal, agus an t-ainm Patrick Gallegan (c.1830-1902) air, an fear déanta bróg dá ndearnadh tagairt cheana; (5) go bhfuair bean Pheadair, [Jane] Tennyson, bás go gairid i ndiaidh 1830.

Pléitear iad ceann ar cheann anseo.

(1) agus (2). Tá sé ar taifead i gclár breitheanna an stáit don bhliain 1896 gur rugadh Patrick Galligan—mac le Charles Galligan, oibrí, ó Moyderragh, agus Mary Galligan, iníon Reilly—i Moyderragh ar an 13 Iúil 1896, agus gur cláraíodh a theastas breithe in Aontas Cheanannais ar an 5 Lúnasa 1896.<sup>3885</sup> Léiríonn teastas pósta Charles Galligan, oibrí, An Chill Bheag, agus Mary Reilly, iníon oibrí, Carn na Ros, rud a cláraíodh san Aontas céanna,<sup>3886</sup> gur pósadh ar an 25 Samhain 1892 i gCarn na Ros iad, agus gur mac le ‘Patrick Galligan (still living)’, gréasaí, é Charles. De bhreis air sin, deimhníonn teastas breithe Charles Gilighan [*recte* Galligan],<sup>3887</sup> a cláraíodh in Aontas Cheanannais ar an 17 Deireadh Fómhair 1870, gurbh iad Patrick Gilighan ó Bhaile Chearbhalláin, gréasaí, agus Mary Gilighan, iníon Reilly (arís!), a thuismitheoirí. Rugadh Charles Gilighan i mBaile Chearbhalláin ar an 10 Deireadh Fómhair 1870. Pósadh a thuismitheoirí, Patrick Gallaghan [*recte* Galligan] agus Mary Reilly, i bparóiste na Cille Bige an 13 Feabhra 1863.<sup>3888</sup> Ní féidir teacht ar theastas baiste Patrick Galligan (c.1830-1902), rud a dheimhneodh nó a bhréagnódh an scéal, ámh.

---

<sup>3885</sup> OAC, Cláruimhir: 9315471. Níl leagan oifigiúil Gaeilge den logainm ‘Moyderragh’ ar fáil go fóill.

<sup>3886</sup> OAC, Cláruimhir: 2174838.

<sup>3887</sup> OAC, Cláruimhir: 7872729.

<sup>3888</sup> *Clár na mBaistí, Póstaí & Adhlacthaí, An Chill Bheag*, 1810-13, 1818-52, 1858-69. Patrick Gallaghan a thugtar air sa chlár:

‘1863. Feb<sup>y</sup> 13. Patrick Gallaghan to Mary Reilly. Wit<sup>s</sup> James Brady & Bridget Reilly’.

(3). Níor pháiste aonair é Charles Galligan: rugadh deartháir leis, Patrick Galligan, ar an 16 Meán Fómhair 1868 i mBaile Chearbhalláin, de réir a theastais bhreithe; agus Christopher Galligan ar an 3 Eanáir 1872 i mBaile Roibeaird .i. an Christie a luaigh Pat Galligan.<sup>3889</sup> Fuair Patrick agus Charles bás go gairid i ndiaidh a chéile, ar an 3 Aibreán 1938, agus an 16 Aibreán 1938 faoi seach.<sup>3890</sup> Deartháir le Pat Galligan (mac Charles), Thomas Galligan, a bhí ina fhaisnéiseoir ar an dá theastas.

(4). Is eol dúinn nach fíor sin, agus gur dócha gurbh in an cor ba mhó a ghlac Breandán Ó Buachalla (1968: 206 *n.8*) le cuntas Pat Galligan. Is eol dúinn, ar ndóigh, go raibh mac darbh ainm Peter Gallegan, Jr. ag Peadar. Más fíor go ndeachaigh Peter Gallegan, Jr. thar sáile go gairid i ndiaidh 1854, is maith an seans go mbeadh dearmad glan déanta air faoin am a raibh Pat Galligan (mac Charles) ag fás aníos, agus is é is dóichí go dtarlódh sin, tharla gur tógadh Patrick Galligan (mac Pheadair) le muintir a mháthar, más fíor.

(5). Caithfidh go raibh dul amú air maidir leis seo, toisc gur rugadh Patrick (mac Pheadair) thart faoin mbliain 1830 ar a dhéanaí, agus tá cruthú againn go raibh Sinéad Ní Thánaiste beo sna 1840í luatha (agus cúpla bliain ina dhiaidh sin, b'fhéidir). Nuair a chuaigh Peadar go Béal Feirste (roimh dheireadh mhí an Mhárta 1844, is dócha), bhí Sinéad ina beatha, gan amhras.<sup>3891</sup> Bhí Jane Gallegan éigin ó Bhaile Mhic Cathnaoin—gaol le Peadar—beo i mí Aibreáin 1845, agus más fíor gurb í bean Pheadair í, caithfidh sé gur duine eile an té a bhí ina beatha i mí na Samhna 1850,<sup>3892</sup> óir bhí bean Pheadair marbh nuair a ghráf Peadar cóip den mhairgne a chum sé uirthi agus ar a chlann, *A shíogaidh[e] beag mná, tair ó Helicon*

---

<sup>3889</sup> OAC, Clárúimhreacha: 774871, 11067712.

<sup>3890</sup> OAC, Clárúimhreacha: 1777955, 1777837.

<sup>3891</sup> Féach nóta 2708.

<sup>3892</sup> Féach nóta 2708.

*gan spás*, ar an 9 Márta 1850 isteach in C Add. 6563 (42), f. 109—an dáta scríofa murab é an dáta ceaptha. Ar fhonn ‘Malaidh Dhruim Crích’ le Peadar Ó Doirnín a ceapadh é. Is éard a deir sé sa dán go raibh sé ‘gan chéile’ agus, díreach mar a luann Ó Buachalla (1968: 128 *n.*41, 210), tá tagairt eile do chóip den dán i gcatalóg lámhscríbhíne a chláraigh [agus a scríobh, glacaim leis] Peadar do Roibeard Mac Ádhaimh. In OB G14 a bhí an chatalóg, ach theip orm an lámhscríbhinn féin a aimsiú; dhealródh sé nach bhfuil ann di a thuilleadh. Deimhníonn an teideal dúinn, murab ionann agus an ceann atá in C Add. 6563 (42), go raibh Sinéad marbh gan amhras nuair a ceapadh an dán: ‘Mairgneadh gearr Pheadair Uí Gealacan fa bhás a mhná <sup>7</sup> fa imtheacht cuid da sheanchúallaidhe as Eirinn <sup>7c.</sup> ...’<sup>3893</sup> B’fhéidir gur iníon eile le Peadar í an Jane Gallegan a bhí in aontíos leis sa bhliain 1850. De bhreis ar an méid seo, tá taifid bhaiste measartha cruinn againn do gach paróiste thart faoin áit a raibh cónaí ar Pheadar ó na 1830í luatha ar aghaidh, agus ní heol dom go bhfuil baisteadh Patrick ar taifead in aon cheann acu. Tosaíonn an clár baistí is sine atá againn do pharóiste Mhaigh nEalta in 1830. Rud eile, bhí duine measartha aibí darbh ainm Patrick Galligan ina chónaí i dteach Pheadair sa bhliain 1845<sup>3894</sup>—tharlódh sé gur mac leis é. Más fíor sin, ní chruthaíonn sé go foirmeálta gurbh ionann an Patrick seo agus an gréasaí, ach ní dócha go réiteofar sin go deo. Caithfidh sé go raibh mearbhall beag ar Pat Galligan maidir leis na dátaí, ach chan iontas é, agus ní hé go gciallaíonn sé seo nár shíolraigh Pat Gallegan (mac Charles) go díreach ó Pheadar Ó Gealacáin ach oiread. Tá na cuntais seo cruinn agus macánta i ngach dóigh eile, chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach, agus bheadh tuairim agam gur shinseanathair le Pat (mac Charles mhic Patrick Galligan) é Peadar Ó Gealacáin.

<sup>3893</sup> OB G14. Tugtar an chéad líne den dán fosta, *A shíogaidh[e] beag mná, tar o Helicon gan spás, 7c.*

<sup>3894</sup> Féach nóta 2708.

### **Aguisín 15: Turais Pheadair Uí Ghealacáin go Béal Feirste**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 2715.*

Deirtear sa scéal gearr ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin lena Eachtra agus a Ráfladh’ (‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’ feasta) gur thug Peadar a chéad ‘c[h]uairt míosa’ ar Bhéal Feirste an uair sin; agus is é seo an cur síos atá ag Breandán Ó Buachalla ar an dóigh ar thosaigh Peadar Ó Gealacáin a obair do Roibeard Mac Ádhaimh,

... nuair a d’fhostaigh Mac Ádhaimh cúntóir eile an bhliain sin [1844 atá i gceist aige, de réir comhthéacs] ní hé Nioclás Ó Cearnaigh ná mac le Brian Mhac Gucian a thogh sé ach seanchara le hAodh féin—Peadar Ó Gealacáin ... Is é an cúram a chuir sé ar Pheadar, i dteannta na n-amhrán a bhailiú, lámhscríbhinní a dhúichí féin a bhailiú agus iad a chur chuige. An chéad lámhscríbhinn a tháinig a threo ná “Leabhar Bhriain Mhic Carathair” ...<sup>3895</sup>

Seo ARÉ 24P21 (97), a bhí á cóipeáil ag Peadar in 1844.<sup>3896</sup> Ní deir sé áit ar bith anseo go ndeachaigh Peadar go Béal Feirste an bhliain sin. Agus níos faide ar aghaidh, tá cuntas eile aige ar Pheadar, ach is léir go bhfuil sé ag tagairt do thuras chuig Béal Feirste anseo,

Riamh ó chrom Mac Ádhaimh ar a chuid oibre timpeall na Gaeilge—roimh 1828—bhí lámhscríbhinní Gaeilge á mbailiú de shíor aige ... is bheartaigh sé ar a chuid lámhscríbhinní a chlárú chun iomláine an eolais ina dtaobh a bheith aige. Mheas Aodh nach raibh aon duine ab fhéarr a dhéanfadh an gnó san ná a sheanchara Peadar Ó Gealacáin is chuir Aodh litir ag triall air á rá leis go raibh a chabhair is a chúnamh á lorg ag Mac Ádhaimh. D’fhreagair Peadar an glaoch, d’fhág a bhean, ... is d’imigh leis ó thuaidh.<sup>3897</sup>

---

<sup>3895</sup> Ó Buachalla (1968: 121-2, 134).

<sup>3896</sup> D’eolas faoi dhátaí na lámhscríbhinní seo agus eile, féach an liosta lámhscríbhinní atá leis an gcuntas ar Pheadar Ó Gealacáin i gCaib. 2.171.

<sup>3897</sup> Ó Buachalla (1968: 204).

Ina dhiaidh sin, tugann Ó Buachalla cuntas fada, lán le sleachta as ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’ a chum Aodh Mhac Domhnaill [2] ar thuras Pheadair chun na cathrach sin, á rá gurb é ‘[c]lárú na lámhscríbhinní an cúram is mó a cuireadh air’, agus gur thosaigh sé a scríobh OB 1/155 an uair sin ach nár chríochnaigh sé riamh í ‘mar nár thug sé ach ceithre mhí ... sa bhaile’ (Ó Buachalla 1968: 207, 209). I bhfonóta leis sin, deir sé i dtaobh OB 1/155, ‘Ní foláir nó is i mBéal Feirste a thosaigh sé ar an ls. seo ach níor chríochnaigh riamh í. Is deacair a rá le cinnteacht cathain a bhí Peadar i mBéal Feirste ach dealraíonn gur idir 1849-50 é’ (Ó Buachalla 1968: 209 *n.14*). Is deacair, gan amhras. Is maith a théann sé leis sin nach bhfuil mórán againn ó láimh Pheadair don dá bhliain sin, ach an t-ábhar a bhreac sé i nDroichead Átha do Bhrian Ó Tomaltaigh agus J. T. Rowland ag deireadh na dara bliana, 1850, agus leanann de Brún & Herbert (1986: xv *n.37*) agus de Brún (2009: 259) an méid seo ina gcuntas siúd. Is é an t-aon phíosa cruinn eolais atá againn faoi chuairt(eanna) Pheadair an rud a deir sé féin i litir chuig Roibeard Mac Ádhaimh thart faoin 7 Deireadh Fómhair 1851: ‘... I was totally run out of shirts last summer which often grieved me that I could not save one half-crown the whole time in Belfast after spending nearly four months there’.<sup>3898</sup> Caithfidh sé, mar gheall air sin, go raibh sé ag obair i mBéal Feirste ar feadh ceithre mhí go gairid roimhe sin, i Samhradh na bliana 1851. De réir na litreach céanna, bhí Aodh Mhac Domhnaill [2] tar éis nóta a chur chuig Peadar, ina ndúirt sé go raibh lán dhá bhliain d’obair ag Roibeard Mac Ádhaimh dó. Is as an litir sin, mar sin, a bhain Ó Buachalla (1968: 204, 207, 209) a chuid adhmaid i dtaobh an nóta a chuir Aodh chuige, agus nár chaith Peadar ach ceithre mhí i mBéal Feirste. Is aisteach an ní é, mar sin, gur tuigeadh dó gur thug sé a thuras ann idir na blianta 1849 agus 1850, nuair a

<sup>3898</sup> LN G702(20), mír 1; i gcló in Ó Buachalla (1968: 213-14).

chuireann muid san áireamh gur mheas sé gur scríobh Peadar OB 1/155 i mBéal Feirste, agus a fhios againn gur grafadh an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1851, nó ina dhiaidh sin.

Cibé acu a chuaigh nó nach ndeachaigh Peadar ann arís tar éis an 7 Deireadh Fómhair 1851, taispeánann sé seo dúinn gur dóigh nárbh ócáid aon uaire turas Pheadair go Béal Feirste, agus gur dócha gur thug sé cúpla cuairt ann. Ciallaíonn sé seo gur féidir go dtagraíonn na sonraí go léir a tugadh go dtí seo do thurais éagsúla, agus go gcaithfear féachaint ar an gceist seo ó bhonn. Is leor a léiriú nárbh é an turas a thug Peadar i lár na bliana 1851 an chéad turas a thug sé ann. Is é rud a chreid Ó Buachalla gur chuir Aodh Mhac Domhnaill [2] litir faoi dhéin Pheadair, á iarraidh air teacht go Béal Feirste sula ndeachaigh sé ann den chéad uair riamh; is beag an gar dúinn caint mheafarach réamhrá ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’, óir deirtear ann go bhfuair Peadar cuireadh ó ‘Shíogaí Lios na gCearrbhach’, cibé duine faoin saol é, agus luaitear carachtar eile, ‘Aodh Ó Duibhne’, áit a luann an chuid eile den téacs Roibeard Mac Ádhaimh agus ‘Hughaidh’, .i. Aodh Mhac Domhnaill [2]. Luann Peadar Ó Gealacáin, mar a chonaic muid, nóta a chuir Aodh chuige in 1851, ina ndúradh go raibh scríobhaí de dhíth ar Roibeard Mac Ádhaimh. Is faoi choinne na hoibre a bhí Peadar ag scríobh chuig Roibeard Mac Ádhaimh ar an 7 Deireadh Fómhair 1851, gan amhras, agus ní gá aird a thabhairt air anseo. Thiocthadh don leasainm ‘Síogaí Lios na gCearrbhach’ a bheith ag tagairt do Roibeard Mac Ádhaimh é féin. De réir ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’, bhí sé chun ‘cuairt míosa’ a thabhairt ar an gcathair an chéad uair, más fíor an t-eolas a thugtar in ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’, ach tá leideanna eile nach dtagraíonn, táim sásta, an litir agus ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’ don turas céanna: chonaic muid cheana go raibh bean Pheadair ina beatha nuair a scríobhadh ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’, óir tá páirt

lárnach ag Sinéad sa scéal: tá Aodh ag magadh fúithi agus ag spochadh as Peadar tríd, sa dóigh go gcaithfidh sé go raibh sí ina beatha an uair sin. Bhí sí marbh faoin 9 Márta 1850, nuair a scríobh Peadar an chóip den mhairgne a cheap sé ar Shinéad isteach in C Add. 6563 (42).<sup>3899</sup> Fágann sé sin gur thug Peadar a chéad turas ar an gcathair roimh mhí an Mhárta 1850, agus fágtar mar chúram orainn dáta scríofa ‘Fáilte Pheadair Uí Ghealacáin’, agus dáta an turais a spreag é, a dhéanamh amach, am éigin idir 1844, an bhliain ar thosaigh Peadar a obair do Roibeard Mac Ádhaimh, agus an bhliain 1850.

Níorbh aon iontas é dá mba é Aodh Mhac Domhnaill [2] (*q.v.*) é féin an cara sa chúirt a bhí ag Peadar, agus gurbh eisean a shocraigh le Roibeard Mac Ádhaimh go bhfostófaí é mar gheall ar a chumas litrithe agus ar fheabhas a láimhe. Is féidir, le bheith píosa beag pointeáilte faoi chúrsaí, gur tharla sin chomh fada siar le 1842, nuair a thosaigh Aodh a chóipeáil agus a cheannach lámhscríbhinní do Roibeard Mac Ádhaimh, ach is dóigh gur féidir cloí lena bhfuil intuigthe ó na beathaisnéisí eile, agus ó lámhscríbhinní Pheadair é féin, gur thosaigh sé a obair do Roibeard Mac Ádhaimh sa bhliain 1844, agus gur sa bhliain sin ar a luaithe, a chuaigh sé go Béal Feirste ar cuairt chuige. Is beag nár scríobhadh gach ar tháinig slán de na lámhscríbhinní a ghráf Peadar do Roibeard Mac Ádhaimh, mar a fheicfear ón gcuntas air i gCaib. 2.171 thuas, sa bhliain 1844, ón 28 Márta 1844<sup>3900</sup> go dtí an 12 Nollaig 1844.<sup>3901</sup> Deir sé i gceann de na lámhscríbhinní seo gurbh ‘ó Chonndae na Mídh’ dó,<sup>3902</sup> ionann is go raibh sé as baile ag an am sin. Luífeadh sé le céill go ndeachaigh Peadar go Béal Feirste an bhliain sin, am éigin idir an 10 Feabhra 1844,

---

<sup>3899</sup> Rinneadh tagairt do na cóipeanna den mhairgne atá ar eolas againn in Aguisín 14 thuas.

<sup>3900</sup> LN G1152, fordhuilleog thosaigh.

<sup>3901</sup> LPBF 23, lch 1.

<sup>3902</sup> LPBF 24, lch 73. Bhí sé ar ais le taobh Mhaigh nEalta nuair a scríobh sé lch 195 den lámhscríbhinn ar an 4 Meitheamh 1844.



nuair a bhí sé gar do DE Gen. 43D a chur i gcrích,<sup>3903</sup> agus an 4 Meitheamh 1844, nuair a bhí sé ar ais sa bhaile agus ag scríobh do Roibeard Mac Ádhaimh,<sup>3904</sup> ach is doiligh teacht ar rud a dhearbhódh na dátaí dúinn.

Caithfear an bhliain a ndearna Peadar lámhscríbhinní Roibeard Mhic Ádhaimh a scrúdú agus catalóg a scríobh orthu a shocrú, ceist arbh fhearr a thiocfadh linn í a réiteach trí na lámhscríbhinní féin a cuireadh san áireamh ina chuid catalóg a scrúdú. Dúradh cheana go raibh tuairim agam go ndeachaigh Peadar go Béal Feirste sa bhliain 1844, le teoracha a fháil ó Roibeard Mac Ádhaimh faoi lámhscríbhinní a bhí le scríobh aige, gur scríobh sé glacán leabhar dó an bhliain sin, gur fhill sé ar Bhéal Feirste sa bhliain 1851 ar feadh ceithre mhí, agus go raibh sé ann ar an 10 Meitheamh 1851, nuair a chuir sé cúpla leathanach breise le lámhscríbhinn a chríochnaigh sé, beagnach, do Roibeard Mac Ádhaimh seacht mbliana roimhe sin, LN G1152. Taobh amuigh den ghiota seo, agus cúpla dán a scríobh sé do Roibeard Mac Ádhaimh idir an 17 Meitheamh 1851 agus an 20 Meitheamh 1851, is beag leid atá againn go ndearna sé cuid mhaith obair chóipeála i lár na bliana 1851, nuair a chaith sé ceithre mhí i mBéal Feirste. Is ábhar spéise LN G1152 ar dhóigheanna eile. Ós rud é gur dheisigh Peadar deireadh an leabhair in 1848, is féidir go raibh Peadar ann ag an am sin; tabharfar dátaí cruinne ar ball beag. Thuigfí uaidh sin gur thug sé dhá thuras ann, ceithre cinn, b'fhéidir, .i. (1) 1844; (2) 1848, b'fhéidir; (3) go luath roimh an 7 Deireadh Fómhair 1851 ar feadh ceithre mhí [an 10 Meitheamh 1851 san áireamh]; agus (4) gur féidir gur chaith sé tamall eile i mBéal Feirste i ndiaidh an dáta sin, má chuaigh sé ann le dánta Aodha a athscríobh.

---

<sup>3903</sup> DE Gen. 43D, lch 701.

<sup>3904</sup> LPBF 24, lch 195.

Déanaimis iarracht anois na catalóga a dhátú ar an bhfaisnéis inmheánach atá iontu. Is féidir dhá leath a dhéanamh de na catalóga seo a chuir Peadar Ó Gealacháin agus Roibeard Mac Ádhaimh le chéile mar seo a leanas,

- (i) innéacs de chéadlínte dánta ó 30 lámhscríbhinn ar ar baisteadh A-Z sa script rómhánach, agus A-D sa script ghaelach, agus iad scríofa isteach i leabhar cuntais, LPBF 20, i láimh Roibeaird Mhic Ádhaimh.<sup>3905</sup> Tugtar anseo, de ghrá na simplíochta, AA-AD ar an dara sraith litreacha. Scríobhadh na hinnéacsanna do A-AC go néata, ag an am céanna, dhealródh sé; cuireadh AD leis an innéacs go neamhchúramach i láimh Roibeaird Mhic Ádhaimh.
- (ii) sraith de chatalóga ar leathanaigh scaoilte, a bhformhór istigh leis na lámhscríbhinní agus cuid acu as alt. Ba chatalóga scaoilte den sórt seo a bhí sa lámhscríbhinn chaillte sin ar a dtugtaí OB G14. Tá siad bunús uilig i láimh Pheadair Uí Ghealacháin, ach tá cúpla dréacht i láimh Roibeaird Mhic Ádhaimh. Tugtar liosta díobh siúd atá i lámhscríbhinní na Leabharlainne Poiblí, Béal Feirste, in Ó Buachalla (1968: 207 *n.9*).

Tá cuid mhaith trasnaíola idir an dá shraith catalóg, agus dhealródh sé gur bunaíodh cuid mhaith de LPBF 20 ar na catalóga scaoilte a scríobh Peadar Ó Gealacháin. Má ghlactar leis gur cuireadh na catalóga scaoilte seo uilig le chéile thart ar an am céanna, is féidir úsáid a bhaint as an eolas atá againn ar na lámhscríbhinní a bhfuil tuairisc orthu sna catalóga le dáta na gcatalóg féin a bheachtú. Ní féidir gur tosaíodh ar an Innéacs agus ar na catalóga scaoilte roimh mhí Mheán Fómhair 1843, an mhí ar críochnaíodh ARÉ 23O54 (1363), a bhfuil catalóg i láimh Pheadair inti go fóill, agus

---

<sup>3905</sup> Féach Caib. 2.171, nóta 2638.

a taifeadadh san Innéacs mar lámhscríbhinn E.<sup>3906</sup> An méid sin ráite, caithfidh sé gur críochnaíodh a bhfuil againn de na catalóga agus an tInnéacs roimh 1852, nuair a d’atheagraigh Archer & Sons na lámhscríbhinní lena gceangal faoi chlúdaigh nua faoi choinne Thaispeántas Acadamh Bhéal Feirste na bliana sin, rud a d’fhág na seanchatalóga as dáta. Baineadh na catalóga scaoilte de na lámhscríbhinní ar cuireadh clúdaigh orthu, agus tá cuid acu scaipthe i measc an chnuasaigh leabhar go fóill. An iontráil sin a scríobh Roibeard Mac Ádhaimh i dtaobh lámhscríbhinn AD, arb í LPBF 24 í—lámhscríbhinn a scríobh Peadar Ó Gealacháin sa bhliain 1844—caithfidh sé gur cuireadh an iontráil sin leis an Innéacs an bhliain sin ar a luaithe, ach is beag an gar dúinn é, tharla gur scríobhadh an iontráil sin i ndiaidh na gceann eile. Is féidir adhmaid a bhaint as iontráil eile ar leabhar A, ‘a miscellany copied by Gallegan’ (nóta i bpionsal san Innéacs) .i. LN G1152, a luadh cheana. Scríobh Peadar an chuid is mó den lámhscríbhinn seo idir an 28 Márta 1844 agus an 9 Iúil 1844, agus chuir sé cúpla píosa breise ag an deireadh ina dhiaidh sin: d’athscríobh sé cuid de dhán amháin ar an 15 Iúil 1848;<sup>3907</sup> agus scríobh sé téacsanna nua ar an 10 Meitheamh 1851.<sup>3908</sup> Tá an dáta sin, an 10 Meitheamh 1851, scríofa ag deireadh an dáin, *A Íosa is a Spiorad Naomhtha, a Athair is a Uain*, agus leanann trí dhán eile an méid sin. Níl clár scaoilte againn den lámhscríbhinn seo, ach is í lámhscríbhinn A í in LPBF 20, catalóg Roibeard Mhic Ádhaimh, agus luaitear na ceithre dhán deiridh sin inti. Ciallaíonn sé sin gur cuireadh LPBF 20 le chéile i ndiaidh an 10 Meitheamh 1851, agus chonaic muid cheana gur dóigh gur bhraith Roibeard Mac Ádhaimh go mór ar chatalóga scaoilte Pheadair Uí Ghealacháin le LPBF 20 a scríobh. Ina ainneoin sin, is doiligh a chruthú cá huair go díreach a chuir Peadar na catalóga scaoilte seo le chéile, ach go ndearna sé sin idir 1843 [i ndiaidh 1844, is dócha] agus 1852.

<sup>3906</sup> Féach Caib. 2.160, nóta 2573.

<sup>3907</sup> Lch 347. Féach nóta 2655 thuas, áit a dtugtar míniú ar dhátaí scríofa LN G1152.

<sup>3908</sup> Lch 357.

Leid eile go raibh Peadar ag déanamh obair chláraithe ar chnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh sa bhliain 1851 is ea an nóta a chuir sé le lámhscríbhinn dá chuid féin, ARÉ 3B38 (251), faoi théacs—*A chleite an ghé riabhaigh*—a chóipeáil sé, is follas, ó lámhscríbhinn de chuid Roibeaird Mhic Ádhaimh, C Add. 3085 (10), ar cuireadh ceangal uirthi ar a shon sa bhliain 1852 (de Brún & Herbert 1986: xv col. a, 15 col. a – 16 col. b). Cé go léiríonn na colafoin in ARÉ 3B38 (251) gur thosaigh Peadar Ó Gealacáin á breacadh ar an 5 Aibreán 1853, agus gur críochnaíodh an chuid is mó di go gairid tar éis an 4 Bealtaine 1854,<sup>3909</sup> tá an méid seo a leanas scríofa aige ar lch 96, ag deireadh an pháosa *A chleite an ghé riabhaigh*: ‘This was copy<sup>d</sup> out of a MS. whose date was 1748, i.e. 103 yrs ago’. Níl aon amhras gur ag tagairt do C Add. 3085 (10) atá sé anseo, agus tá cruthú againn gur bhain an lámhscríbhinn seo le cnuasach leabhar Roibeaird Mhic Ádhaimh faoin am sin. Tá sa lámhscríbhinn sin, ar f. 63, mar a thug de Brún & Herbert (1986: 16 col. a), faoi deara, an tsuim seo a leanas, 1851 – 1748, rud ab ábhar leis an earráid a rinne Peadar Ó Gealacáin ina lámhscríbhinn féin: caithfidh sé gur scríobh sé cóip den téacs in 1851 as an lámhscríbhinn (nach bhfuil, agus is aisteach lena rá é, aon chlár lámhscríofa ar fáil di ach ceann an-gharbh i bpeannaireacht Roibeaird Mhic Ádhaimh é féin, in OB G14), agus gur scríobh sé cóip cheartaithe de in ARÉ 3B38 (251) idir na blianta 1853 agus 1854, ag athscríobh aois na lámhscríbhinne go meicniúil ó chóip gharbh a rinne sé den rann sa bhliain 1851. Is dócha go dtaispeánann an méid seo nach raibh Peadar ag cóipeáil mórán lámhscríbhinní do Roibeard Mac Ádhaimh le linn chuairt na bliana 1851, ach go raibh sé ag scrúdú a chnuasaigh fosta—nár mhaith an deis a bheadh aige dul trí chnuasach Roibeaird Mhic Ádhaimh—a bhíodh ‘very jealous’ faoina chuid leabhar, dar le Seán Ó Donnabháin—agus nithe a bhreacadh astu, nuair a bhí

---

<sup>3909</sup> Féach nóta 2641.

sé á gclárú? Ar thóir téacsanna nua a bhí sé riamh, is dóigh, óir rinne sé amhlaidh le leabharlanna Bhriain Uí Thomaltaigh agus J. T. Rowland. Bhí sé ar ais i gCo. na Mí ar an 7 Deireadh Fómhair 1851.

## **Aguisín 16: Bás Mhuiris Uí Ghormáin**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 2754.*

Tá glacadh leis le breis agus nócha bliain go bhfuair Muiris Ó Gormáin bás ‘about 1794’, mar a scríobhtar i gcinnteacht, cé gur chaith Richard Sharpe roinnt amhrais air seo in dhá nóta a scríobh sé in ailt dhifriúla.<sup>3910</sup> Agus é ag trácht ar chiorclán a scríobh Muiris Ó Gormáin sna 1770í, le briseadh a thógáil le cuid de *Annála na gCeithre Máistrí* a chóipeáil, dúirt Sharpe (2016: 204 n.18),

Breathnach & Ní Mhurchú, ... following current scholarship, give 1794 as his date of death, which is unreliable; 1787 is the last year when he is known to be alive.<sup>3911</sup>

Agus tá dáta báis eile, c.1788, molta aige in Sharpe (2013: 118),

... the death of Muiris Ó Gormáin, which happened around 1788. The dispersal of his books was a complicated business.

Ní heol dom go bhfuil aon taifead oifigiúil againn ar dháta báis Mhuiris, agus cibé iarracht a dhéanfar anseo ar an dáta a shocrú, is ar fhaisnéis na lámhscríbhinní a bhunófar í, nó ar ábhar tánaisteach a bhaineann leo. Is é an chéad rud atá le déanamh againn, mar sin, an tagairt indátaithe is maille atá ann do Mhuiris a bheith ina bheatha a aimsiú. Ghraf Muiris sa bhliain 1786 lámhscríbhinn ina bhfuil ‘Oidhe Chloinne Lir’.<sup>3912</sup> Má ghlacann muid leis, ar argóintí Mhic Cathmhaoil (2013: 69 n.3), gur shine Muiris Ó Gormáin ná Cathal Ó Conchubhair (1710-1791), is féidir linn glacadh leis go raibh Muiris marbh agus curtha faoin mbliain 1810, ar a

---

<sup>3910</sup> Tugtar 1794 in Ní Mhunghaile (2009a) mar dháta báis dó.

<sup>3911</sup> Sharpe (2016: 204 n.18).

<sup>3912</sup> ARÉ 24A4 (232).

dhéanaí.<sup>3913</sup> Ní dóigh liom gur féidir a áiteamh gur éag Muiris c.1786 ar an mbonn nach bhfuil lámhscríbhinn dhátaithe ar bith againn uaidh a grafadh tar éis na bliana sin, ar thrí ábhar: (i) ba mhinic nach mbacadh Muiris le síniú ná dáta a chur lena chuid oibre, agus is in olcas a théann an nós seo le himeacht aimsire; (ii) ní haon léiriú sin gur éirigh sé as déanamh na lámhscríbhinní sa bhliain sin, óir is dóigh gur cailleadh cuid dá lámhscríbhinní; (iii) dá nglacfaimis leis gur éirigh sé as an scríobh sa bhliain sin, ní chiallaíonn sé go gcaithfidh sé go bhfuair sé bás ina dhiaidh sin gan mhoill. Agus é tuairim is 80 bliain d'aois, is féidir gur éirigh sé róshean nó róthinn le leanúint air ag cóipeáil lámhscríbhinní, ach ní hionann sin agus a rá nach féidir gur mhair sé ar feadh cúpla bliain eile ina dhiaidh sin. Thuigfí ón eolas atá againn ar na daoine a fuair greim ar a chuid leabhar go gcaithfidh sé go raibh Muiris marbh faoin mbliain 1799, agus is féidir sin a chur síos mar dháta deiridh dá bhás. Is é rud atá le déanamh againn anois na tagairtí éagsúla dá bhás a phlé, agus iarracht a dhéanamh ar a dháta báis a bheachtú.

Luann Sharpe go raibh Muiris fós ina bheatha sa bhliain 1787; níl a fhios agam cá bhfuair sé an dáta sin go díreach, ach is dóigh go raibh baint ag na *Reliques of Irish Poetry* (1789) leis an scéal. Diomaite de go bhfuil cuid mhaith taighde déanta ar na *Reliques*, is doiligh amlíne chruinn a leagan amach don tréimhse inar scríobhadh í, ach gurb eol dúinn nár thosaigh Charlotte Brooke a réiteach an leabhair go dtí an bhliain 1787, óir scríobh sí i litir chuig Percy an bhliain sin go raibh sí ‘almost persuaded ... into a belief that it may be in my power to rescue from oblivion ... some portion of the native beauties of the language ...’ agus go raibh socrú déanta aici go bhfoilseofaí an saothar.<sup>3914</sup> Tchífe ar ball beag go raibh Muiris fós ag cuidiú léi i

---

<sup>3913</sup> Deir Mac Cathmhaoil (2013: 76 n.59) gur rugadh Muiris c.1700, ach dhealródh sé gur maith an tomhas sin.

<sup>3914</sup> Tá cuid mhaith den litir i gcló sa *B.M. Cat.*, iii, 24.

ndiaidh mhí Iúil 1788. Fágann sin gur éag Muiris idir 1788 agus 1799. Is líonmhar iad lámhscríbhinní Mhuiris, agus bheadh saothar mór i gceist dul tríothu uilig le leideanna a fháil faoi na blianta deiridh dá shaol.

Deirtear go ndearna Muiris trí rud sna blianta deiridh dá shaol: (i) mhúin sé Gaeilge nó scríobh na Gaeilge do Henrí Mac an tSaoir; (ii) scríobh sé cúpla leabhar don Royal Dublin Society; agus (iii) chuidigh sé le Charlotte Brooke c.1788. Ós rud é nár foilsíodh na *Reliques* go dtí an bhliain 1789, bheifí ag ceapadh go raibh Muiris fós ina bheatha an bhliain sin, mar a mheabhródh an nóta a scríobh Charlotte Brooke ar ‘Maurice Gorman of this city’, ach is doiligh a rá cá fhad a bhí Muiris ag cuidiú léi. Chaith Charlotte cuid mhaith ama ag cur an leabhair le chéile, agus más fíor nach ndearna Muiris ach cúpla píosa a chur chuici, is féidir go raibh sé marbh i gan fhios do Charlotte faoin am a raibh na clódóirí ag cur a mórshaothair tríd an bpreas. Mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le dátaí a chur le cuid mhaith den obair a rinne Muiris sna blianta seo, is féidir an cheist a fhágáil ar leataobh, agus díriú ar na nótaí difriúla a scríobhadh ar a bhás, agus ar scaipeadh a chuid leabhar.

Tá ceithre phríomhchuntas againn ar bhás Mhuiris Uí Ghormáin, agus scaipeadh a chuid leabhar, cé nach bhfuil siad uilig neamhspleách ar a chéile. Scríobhadh iad sa chéad cheathrú den 19ú hAois, agus is in aon cheann amháin acu, an ceann a scríobh Séamus Ó hArdagáin (c.1782-1856) in LB Eg. 129, f. 1b, a thugtar buille faoi thuairim ar dháta a bháis. Cuireadh an cuntas seo le chéile am éigin roimh an mbliain 1832,<sup>3915</sup>

- I. I had this book, with others in his handwriting [= *i láimh Mhuiris Uí Ghormáin*], from one Mac Entaggart, to whom O’Gorman left them at his death. The apathy and carelessness of the Irish people towards their national

---

<sup>3915</sup> An bhliain ar dhíol Séamus Ó hArdagáin an chuid is mó dá chnuasach leis an British Museum. Féach an *B.M. Cat.*, iii, 19-20, áit a luaitear an dáta sin.



language and antiquities are strikingly evinced in the fate of poor O’Gorman. After a long life devoted to the transcription and consequent preservation of numerous volumes of ancient poetry, tales, annals, etc. etc. of Ireland, he died in the greatest poverty in a ground-cellar in Mary’s Lane, Dublin, about 1794: where he was a long time supported by the charity of Mac Entaggart, who was himself a poor man. Note:—Maurice O’Gorman taught Vallancey Irish, and transcribed out of this book some of the poems for Miss Brooke ..., which she published.<sup>3916</sup>

Is féidir an t-eolas a thugtar ann a leagan amach mar seo,

- (a) Oidhre ar Leabhair Mhuiris: Mac Entaggart.
- (b) Dáta agus Ionad Báis: D’éag Muiris thart faoin mbliain 1794 i Lána Mhuire.
- (c) Eolas ar an Oidhre: Dhealródh sé gur scoláire Gaeilge é Mac Entaggart, cé nach fios dúinn gur scríobhaí é, agus bhí sé fós i mBaile Átha Cliath nuair a thug sé LB Eg. 129 do Shéamus Ó hArdagáin.
- (d) Na Blianta Deiridh de Shaol Mhuiris: Thug Mac Entaggart tacaíocht do Mhuiris go dtí go bhfuair sé bás, agus is féidir gurbh é an pátrún deiridh a bhí aige. Chuidigh Muiris le Charlotte Brooke na *Reliques* a scríobh.

Féachaimis nóta eile ar lámhscríbhinní Mhuiris, ní a cuireadh i gcló in *History of Dublin* Warburton, Whitelaw & Walsh (1818),

- II. In the year 1794, a young man of the name of Wright, who was about to emigrate from his native country, had a number of books to dispose of, which chiefly consisted of Irish MSS. They had been collected by the industry of a man of the name of O’Gorman, who was clerk to Mary’s-lane Chapel, and the person from whom Dr. Young, Bishop of Clonfert, and General Valancey, [*sic*] had learned Irish. This man’s library, which filled five large sacks, Mr. O’Reilly purchased from Wright...<sup>3917</sup>

Luaitear a chéadainm, ‘Morris O’Gorman’, áit eile sa leabhar céanna. Tugann

Séamus Ó hArdagáin údarás lena chuid nótaí, agus cé nach dtugtar seo in Warburton,

<sup>3916</sup> LB Eg. 129, f. 1b. I gcló sa *B.M. Cat.*, i, 597-8, áit a bhfuarthas an chóip seo.

<sup>3917</sup> I gcló in Warburton, Whitelaw & Walsh (1818: 934 n.).

Whitelaw & Walsh (1818), is dóigh gurbh é Edward O'Reilly an tobar eolais. Ag cur an chuntais i gcomórtas le nóta Shéamuis Uí Ardagáin, tchíonn muid go bhfuil cúpla difríocht eatarthu,

- (a) Oidhre ar Leabhair Mhuiris: Ba é Henry Wright nó Henrí Mac an tSaoir, ní Mac Entaggart, a fuair leabhair Mhuiris, agus thuigfí ón abairt deiridh go bhfuair sé an t-iomlán acu, lán cúig mhála díobh.
- (b) Dáta agus Ionad Báis: Ní thugtar iad, ach is í an bhliain 1794 an bhliain ar fhág Henrí an tír, agus ní deirtear go bhfuair Muiris bás i Lána Mhuire, ach go raibh sé ina chléireach sa séipéal ann.
- (c) Nótaí ar an Oidhre: Fear óg a bhí in Henrí Mac an tSaoir, agus thug sé na lámhscríbhinní do Edward O'Reilly sula ndeachaigh sé thar sáile sa bhliain 1794.
- (d) Na Blianta Deiridh de Shaol Mhuiris: Sonraí ag teastáil.

Tagann an t-eolas a thugtar sa dá chuntas seo ar bhás Mhuiris Uí Ghormáin salach ar a chéile ar na ceithre phointe thuas uilig, agus tá laigí ag baint leo beirt, is dóigh.

Lena gcur i gcomórtas go díreach lena chéile, is fiú dul tríd na nótaí seo, agus iarracht a dhéanamh ciall éigin a bhaint as a bhfuil iontu,

- (a) Oidhre ar Leabhair Mhuiris.

Chomh fada agus a bhaineann an scéal le ceist an oidhre ba mhó ar lámhscríbhinní Mhuiris, is fearr cuntas II., ar an ábhar gurb eol dúinn go raibh Henrí Mac an tSaoir ina scoláire Gaeilge, gur féidir a thaispeáint gan dua go raibh aithne mhaith aige ar Mhuiris, agus gur tharla cuid de lámhscríbhinní Mhuiris ina chnuasach, mar is follas ó na nótaí sealbhóra a chuir sé le cuid acu. Táthar ar an eolas ó aimsir T. F.

O’Rahilly agus Robin Flower go bhfuair Henri Mac an tSaoi an chuid is mó de lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin, agus gur uaidh a fuair Edward O’Reilly iad.<sup>3918</sup> Tá nóta chun na críche sin ag Edward O’Reilly é féin, mar a scríobh Ó Mórdha (1958-61),

III. But we have the word of O’Reilly himself to the effect that he got his manuscripts, or most of them, from Wright. Flower was aware of the catalogue ... drawn up by Maurice Gorman in 1761. ... [I]n the Royal Irish Academy Ms. 23H1 we have a catalogue of 198 Irish manuscripts in his possession drawn up by Edward O’Reilly in 1825. On page 139 of this manuscript, in describing Ms. 70, O’Reilly states:—“The writing is very fine, executed by a young gentleman (Henry Wright) who had been taught Irish by Maurice O’Gorman, and who owned most of the Irish Mss. now in my possession with many others that I disposed of to William M. Mason and others.” ...<sup>3919</sup>

Is luachmhaire fós nóta eile a scríobh duine de phátrúin Mhuiris, an Chevalier O’Gorman (1732-1809), an fhoinse eolais is mó a bhí ag Flower, agus taispeánann sé nár cheart amach is amach d’údar II. a rá gur tharla na lámhscríbhinní uilig i gcnuasach Henri Mhic an tSaoir,

IV. Gorman’s Manuscripts are principally in the hands of Mr. Wright a Clerk in the National Bank, one Tankard a Publican in Pill Lane etc. and some of them are said to be for sale at Dornin’s a Bookseller’s in Grafton Street.<sup>3920</sup>

Cóipeáladh an nóta seo thuas ón *B.M. Cat.*, ii, 377 n., áit a gceanglaítear Tankard le John Tankard nó Seán Tancart (*fl.*1796-7) ó 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane], Baile Átha Cliath,<sup>3921</sup> a ndearnadh tagairt dó in LB Eg. 165.<sup>3922</sup> Soláthraíonn an tagairt a dhéantar don díoltóir leabhar, Brian Durnin, a chuaigh thar sáile c.1799 (Ní

<sup>3918</sup> *R.I.A. Cat.*, 104; *B.M. Cat.*, ii, 377n.; iii, 27.

<sup>3919</sup> Nóta Uí Mhórdha (1958-61: 132) ar ARÉ 23H1 (1287), catalóg Edward O’Reilly (1825).

<sup>3920</sup> LB Add. 20717, f. 36b. Tugtar cóipeanna de sa *B.M. Cat.*, ii, 377n.; iii, 27n.

<sup>3921</sup> Tabharfar cúpla nóta ar Sheán Tancart ar ball beag. Diomaite de go luaitear é mar ‘publican’ sa liosta sealbhóirí lámhscríbhinní a chuir Peadar Ó Conaill le chéile c.1790 – c.1794 fosta, níl tagairt dó in eolaire de chuid na cathrach, dar dáta 1798, ní a cuireadh faoi athchló in Martin (2000).

<sup>3922</sup> Féach an nóta in LB Add. 20717, f. 36b, ní atá i gcló in Sharpe (2016: 206 n.29), faoi lámhscríbhinní ‘Mr Mac David’ [= Dominic Mac Devitt] a aistríodh ar an 29 Eanáir 1792.

Mhunghaile 2009*a*: 225),<sup>3923</sup> an dáta deiridh dúinn dá bhás, a tugadh cheana. Fágann sin go bhfuil tréimhse aon bhliain déag againn, *c.*1788 – *c.*1799, inar féidir go bhfuair Muiris bás, gan dul i dtuilleamaí an dáta báis a thugtar in I.

Is aisteach an ní é nárbh eol don Chevalier O’Gorman go bhfuair Mac Entaggart, de réir I., cuid de chnuasach Mhuiris. D’fhéadfadh sé nach bhfuair sé ach cúpla ceann acu, ach tá cineál de ghlacadh leis gur dhearmad do Mhac an tSaoir é Mac Entaggart, sa dóigh gurbh é Henri Mac an tSaoir a bhí i gceist ag Séamus Ó hArdagáin. Ní fíor sin, má tá an meastúchán a dhéantar ar dháta breithe Shéamuis Uí Ardagáin, *c.*1782, geall le bheith ceart, óir deirtear go ndeachaigh Henri Mac an tSaoir thar sáile sa bhliain 1794, nuair nach raibh Séamus Ó hArdagáin ach ina pháiste.<sup>3924</sup> Fágann sin fosta go gcaithfidh sé go bhfuair Séamus Ó hArdagáin a chuid eolais faoi bás Mhuiris ón Mac Entaggart seo, nó ó fhoinsé phríomha nó thánaisteach eile.

(*b*) Dáta agus Ionad Báis.

Diomaite de go bhfuil cuid de na sonraí a thugtar in II. bunoscionn lena bhfuil ag Séamus Ó hArdagáin in I., is féidir gur bhain sé cuid den ábhar atá aige ón leabhar sin, nó ón té céanna agus a thug an fhaisnéis sin do lucht tiomsaithe nóta II. sa chéad áit. Is ábhar spéise gur tuigeadh d’údair nóta II. go ndeachaigh Henri Mac an tSaoir thar sáile sa bhliain 1794, agus go ndeir Séamus Ó hArdagáin thart faoin am sin, go bhfuair Muiris bás ‘about 1794’, ionann is go ndeachaigh Séamus Ó hArdagáin i muinín an dáta a thugtar in II., agus gur fhigh sé sin isteach sna scéalta a bhí cluinte aige cheana féin? Níl ach suim mheicniúil de chineál áirithe sa dáta ‘about 1794’ a

---

<sup>3923</sup> Bhí siopa aige ag 9 Sr. Graftún (Ní Mhunghaile 2009*a*: 225).

<sup>3924</sup> Is cuma má tá 1794 sa chomhthéacs áirithe seo cúpla bliain thar nó faoin gceart; d’imigh Henri Mac an tSaoir i bhfad sular thosaigh Séamus Ó hArdagáin a chur spéise i lámhscríbhinní Gaeilge.

thugtar in I., agus cé gur dóigh nach mó ná cúig bliana thar nó faoin gceart é, níl sé beacht go leor lena chur síos mar dháta báis.

(c) Nótaí ar an Oidhre

B'fhiú dul siar agus féachaint ar bheathaí na bhfear a luadh in III. Tá istigh le páipéir Pheadair Uí Chonaill i Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad, liosta gan dáta ina bhfuil tuairisc ar scoláirí Gaeilge, nó ar bhailitheoirí lámhscríbhinní: is daoine aduaine cuid mhaith acu, ach tá cuid mhaith ainmneacha mór le rá ann—Henrí Mac an tSaoir, Edward O'Reilly, Seán Tancart, agus eile. Is beag acu a bhí ina scríobhaithe, go bhfios dúinn, sa chaoi gur dóigh gur liosta sealbhóirí lámhscríbhinní atá ann. Ní eile a thacaíonn leis an tuairim sin is ea gur chuir Peadar Ó Conaill tús le catalóga a dhéanamh amach ar an gcéad duilleog eile, ach go bhfuil cuid acu cailte. Seo an liosta fear, de réir na n-uimhreacha a thugtar ann,

1. M<sup>f</sup> Edward O'Reyley Mill street N<sup>o</sup> 11
2. M<sup>f</sup> John M<sup>c</sup>Conmara Monrath Street
3. M<sup>f</sup> John Hays Royal Irish Academy
4. M<sup>f</sup> Pierse Furlong, Grange Gorman Lane
5. M<sup>f</sup> Brannan, Publican, Thomas Street
6. M<sup>f</sup> Tankard, Publican, Mary's Lane
7. M<sup>f</sup> Troy, Publican, James' Street
8. Rev<sup>d</sup> M<sup>f</sup> Grady, a Priest according to M<sup>f</sup> O'Reyley
9. M<sup>f</sup> Moor, an Attorney of Fishshamb[el ?] Street
10. M<sup>f</sup> Middleton, overseer of publick Streets
11. M<sup>f</sup> Terry Connell, King street, an attorney's Clarke
12. M<sup>f</sup> Laurence Kelly Tobacconist, Thomas Street

13. M<sup>r</sup> Thomas Carr an attorney's Clarke at the above M<sup>r</sup> Kelly's
14. M<sup>r</sup> Wright an Irish Scholar
15. M<sup>r</sup> Golden, Cabinet Maker Goats Alley or Stephen S<sup>t</sup>
16. M<sup>r</sup> Johnston, attorney, N<sup>o</sup> 18 Ship Street
17. M<sup>r</sup> Petry attorney N<sup>o</sup> 15 Chancery Lane
18. M<sup>r</sup> Henegan Shopkeeper Fleetstreet & Sons
19. M<sup>r</sup> Flannagan Publican Summerhill
20. M<sup>r</sup> Cody Auctioner College Green
21. M<sup>r</sup> Miller, an Attorney, down the quays
22. M<sup>r</sup> William Looby Clarke of the Rools [*sic*]
23. M<sup>r</sup> Thomas Gardner, an Attorney's Clarke, Camden S<sup>t</sup>
24. M<sup>r</sup> John Doyle Attorney, N<sup>o</sup> 6 Arbour-hill
25. M<sup>r</sup> Michael O'Brien, Stevely's \conduct/ Clarke, an Attorneys / Rosslane
26. M<sup>r</sup> Purcel Clarke in y<sup>e</sup> Chancery Office / Golden Lane<sup>3925</sup>

Trí rud atá spéisiúil ó thaobh na ceiste atá faoi chaibidil againn: (i) nach bhfuil Muiris Ó Gormáin ná Charles Vallancey luaite ann; (ii) go bhfuil taifead sa liosta ar [Henry] Wright agus ar [John] Tankard; (iii) go ndeirtear gurbh fhear tábhairne é Seán Tancart, agus go raibh cónaí air i Lána Mhuire, áit a ndeirtear go bhfuair Muiris bás. Is doiligh a chreidiúint go rachadh duine ar bith a mbeadh sé de chuspóir aige liosta de scoláirí Bhaile Átha Cliath a chur le chéile thar Mhuiris Ó Gormáin agus Charles Vallancey gan iad a áireamh, ach amháin sa chás go raibh siad chomh clúiteach sin nárbh fhiú le Peadar iad a thairfeadh: d'fhéadfaí an rud céanna a áiteamh faoi bheirt eile atá ar an liosta, áfach, Seán Mac Con Mara (*ob.*1822), agus Edward O'Reilly (1765-1830). Míniú eile ar an scéal is ea go raibh Muiris Ó

---

<sup>3925</sup> MN C112, ff. 4-4v.

Gormáin marbh, agus go raibh Charles Vallancey imithe as Baile Átha Cliath. D'imigh sé leis go Co. Chorcaí sa bhliain 1790, agus dhíol sé cuid mhaith dá chnuasach lámhscríbhinní sa bhliain 1792. Leid amháin ar a shon sin is ea go bhfuil Henrí Mac an tSaoir áirithe mar 'Irish scholar' ann, cléireach a thosaigh a scríobh lámhscríbhinní Gaeilge thart faoin mbliain 1787, is dóigh, agus áirítear Seán Tancart fosta, nach eol dúinn go raibh lámhscríbhinní aige taobh amuigh de na cinn a d'fhág Muiris Ó Gormáin aige. Má ghlacann muid leis go ndeachaigh Henrí Mac an tSaoir thar sáile thart faoin mbliain 1794, is féidir a rá gur dóigh gur scríobhadh an liosta sa tréimhse c.1790 – c.1794, ach chuideodh roinnt taighde ar na hainmneacha eile linn go mór dáta a chur leis an liosta. Glactar leis go forleathan gur thosaigh Edward O'Reilly (1765-1830), an scoláire Gaeilge agus foclóirí, a dhéanamh staidéir ar an nGaeilge den chéad uair riamh nuair a cheannaigh sé lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin ó Henrí Mac an tSaoir, ach is ar éigean a cheannódh tosaitheoir, agus duine nach raibh ro-shaibhir ar chor ar bith, cnuasach luachmhar lámhscríbhinní [ar chostas éigin, glacaim leis], gan a bheith in ann iad a léamh, nó gan a fhios a bheith aige cárbh fhiú iad. Is spéisiúil go dtugtar tús áite do Edward O'Reilly, nuair a bhí Henrí Mac an tSaoir fós san ardchathair, ní eile a léiríonn nach raibh sa seanscéal sin, gur thosaigh sé a fhoghlaim Gaeilge nuair a fuair sé lámhscríbhinní ó Henrí Mhic an tSaoir, ach scéal.<sup>3926</sup> Dhealródh sé go raibh spéis aige i gcúrsaí Gaeilge ó bhí sé ina dhéagóir. Is fiú plé a dhéanamh ar an mbeagán eolais atá againn faoi chnuasaigh Sheáin Tancart agus Henrí Mhic an tSaoir.

---

<sup>3926</sup> Ceithre rud.

(1) Bhí Edward O'Reilly i dteagmháil le Charles Tuckey, scoláire Gaeilge, chomh fada siar leis an 30 Iúil 1783, nuair nach raibh sé ach ina dhéagóir; féach an litir dar dáta sin ó Charles Tuckey in LB Eg. 135. Déantar tagairt di in Ua Rathghaille (1905: 12 col. b – 13 col. a).

(2) Is doiligh a chreidiúint nach raibh Gaeilge ag a athair, a rugadh san Obair; féach an ceartúchán ar bheathaisnéis Shéamuis Uí Ardagáin in *Beath.* 1560-1781, 191 col. a.

(3) Bhí a sheanathair, Eoghan Ó Raghallaigh (*fl.*1739) ón mBaile Corr, Co. na Mí, in ann Gaeilge a scríobh, LB Eg. 146, f. 16; *B.M. Cat.*, ii, 104.

(4) Dhíol Muiris Ó Gormáin cúpla lámhscríbhinn le O'Reilly éigin arb ionann é, dar le Flower, *B.M. Cat.*, ii, 147, agus Edward O'Reilly—féach nóta Mhuiris in LB Eg. 135, f. 26.

**Seán Tancart nó John Tankard** (fl.1796-7)

Is doiligh teacht ar ionaid chónaithe do Mhuiris Ó Gormáin sna blianta deiridh dá shaol, ach scríobh sé ar an 17 Bealtaine 1776, i dtús na catalóige a thosaigh sé a scríobh an lá sin, go raibh a chuid leabhar i dteach Mr. William Mekan i \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane].<sup>3927</sup> Is féidir go raibh cónaí air sa teach an uair sin, óir tugann sé an seoladh céanna i liosta leabhar clóite a scríobh sé ar an 1 Meitheamh 1776,<sup>3928</sup> agus chuir sé fógra i gcló ar *Saunders's News-letter* i mBaile Átha Cliath ceithre bliana ina dhiaidh sin, ar an 9 Samhain 1780 agus an 11 Samhain 1780, áit a dtugann sé le fios go raibh cónaí air in ‘Mr. Meaken’s’, 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane].

Dhealródh sé gurb é an duine céanna é agus an William Mekan thuas, agus tá seoladh cruinn againn dó den chéad uair, 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane]. Deirtear in I. go bhfuair Muiris bás i Lána Mhuire, Baile Átha Cliath, agus is leis an seoladh sin a cheanglaítear Seán Tancart i nótaí Pheadair Uí Chonaill. Ní féidir mórán a rá faoi lámhscríbhinní Sheáin Tancart (John Tankard), agus níl sé soiléir cá mhéad lámhscríbhinn a bhí aige. In 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane], Baile Átha Cliath, a bhí cónaí air sa bhliain 1796, an áit chéanna a raibh cónaí ar Mhuiris é féin ag deireadh na bliana 1780 nuair a bhí ‘Mr. Meaken’ ina áititheoir ann.

Thuairimigh Mac Cathmhaoil (2013: 74 n.45) go bhféadfadh sé gur rug Seán Tancart leis cuid de leabhair Mhuiris, nó go nglacadh sé le lámhscríbhinní lena chuid fiacha óil a ghlanadh, ach is féidir go gcuireadh Seán é féin spéis i litríocht na Gaeilge. Chuir Aodh Ó Néill dhá nóta agus dán le LB Eg. 165 ar son Sheáin Tancart, á rá go raibh sé síorthabharthach le gach dáimh, agus tagraíonn sé go speisialta don chnuasach maith lámhscríbhinní a bhí aige. Scríobhadh an t-ábhar sin idir na blianta

---

<sup>3927</sup> LN G664, lch 15.

<sup>3928</sup> LN G664, lch 28.



1796 agus 1797. Ar an ábhar gur scríobh Aodh an nóta sin i nGaeilge, bheadh tuairim agam go raibh Seán in ann Gaeilge a léamh, agus go raibh spéis aige i litríocht na teanga. Ar ndóigh, is doiligh freagra beacht a thabhairt tar éis 200 bliain ar an méid lámhscríbhinní a bhí aige, nó cuid mhaith acu a aithint. Mar gheall ar an dá nóta a scríobh Aodh Ó Néill, is féidir a rá gur tharla sí i gcnuasach Sheáin Tancart am éigin roimh 1796. Is maith is féidir gurbh ó Mhuiris a fuair Seán Tancart LB Eg. 165, ó tharla gur lámhscríbhinn de chuid scoil Thaidhg Uí Neachtain atá inti. Deir Aodh i gceann de na nótaí go raibh cónaí ar Sheán ag 4 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane], an teach ina raibh cónaí ar Mhuiris thart faoi fhiche bliain roimhe sin. Níl, mar a dúradh cheana, tagairt ar bith do Sheán Tancart in eolaire de chuid na hardchathrach a cuireadh le chéile sa bhliain 1798.<sup>3929</sup>

Níl mé sásta gur féidir a rá, ar an mbonn sin, go raibh cónaí ar Mhuiris i dteach Sheáin i \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane], agus gurbh eisean an Mac Entagart a bhí i gceist ag Séamus Ó hArdagáin, óir luaitear é a bheith ina chónaí i Lána Mhuire i liosta Pheadair Uí Chonaill. Cuireadh an liosta sin le chéile idir c.1790 agus c.1794, tar éis do Mhuiris bás a fháil, is dóigh, agus sular scríobh Aodh an nóta sin. Dá mb'fhéidir a léiriú, áfach, nár fhág Henrí Mac an tSaoir an tír seo go dtí c.1797, an uair a bhí cuid de lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin ag Seán Tancart, bheadh cuma eile ar fad ar an scéal, óir bheimis in ann a rá gur scríobhadh liosta Pheadair Uí Chonaill chomh mall leis an mbliain sin. De bhreis ar an méid sin, tá an chosúlacht air go raibh ábhar—an téacs 'Cath Bearna Chroise Brighde' le Seán Ó Neachtain, le bheith cruinn—ó lámhscríbhinn cosúil le LB Eg. 165 á chóipeáil ag Aodh Ó Néill chomh fada siar leis an mbliain 1792,<sup>3930</sup> ach ní léir cé uaidh a bhfuair sé an eiseamláir an uair sin. Gheofar cúpla sonra eile faoin gcóip seo i mbeathaisnéis

<sup>3929</sup> Tá an liosta i gcló arís in Martin (2000).

<sup>3930</sup> Féach nóta 1519.

Aodha Uí Néill é féin i gCaib. 2.197, ach is léir go raibh sé ag tarraingt ar lámhscríbhinn a cuireadh chuige ó Bhaile Átha Cliath—cá bhfios dúinn gurbh ó Sheán Tancart a fuair sé í? Agus má fuair, an gciallaíonn sé seo go raibh Muiris marbh sa bhliain 1792? Ní féidir a bheith deimhnitheach faoi sin ach oiread, ach is fiú na sonraí seo a lua anseo, ar cheasta go dtiocfaidh blúirí beaga eile faisnéise chun solais lá éigin. Thaispeáin Ó Mórdha (Moore 1953-5) neart blianta ó shin go raibh LB Eg. 127, atá i lámh Mhuiris é féin, ag Aodh idir 1802 agus 1803, an t-am a ndearna sé cóip di, agus bheadh tuairim agam gur féidir go bhfuair sé an lámhscríbhinn seo ó Sheán Tancart fosta.

Mar sin, ní gá go gcabhródh sé linn dáta báis Mhuiris a shocrú dá bhfaighfí lámhscríbhinní Mhuiris ina sheilbh an bhliain seo nó siúd, ach is fiú rud nó dhó a lua anseo i dtaobh Henrí Mhic an tSaoir, cheal faisnéise eile.

### **Henry Wright nó Henrí Mac an tSaoir** (*fl.*1787-93)

Is beag an gar dúinn lámhscríbhinní Henrí Mhic an tSaoir, tharla gurb eol dúinn go raibh sé ag baint úsáid as lámhscríbhinní Mhuiris chomh luath leis an mbliain 1787, nuair a bhí Muiris beo agus ina shláinte, agus shínigh Henrí Mac an tSaoir cúpla lámhscríbhinn a bhí nó a bhíodh i seilbh Mhuiris idir na blianta 1788 agus 1791.<sup>3931</sup> Ní aisteach eile is ea gur tháinig malairt intinne ar Henrí Mac an tSaoir faoin ábhar a bhí á chóipeáil aige thart ar an am sin. Cé gur tharraing sé go mór ar lámhscríbhinní Mhuiris agus é ag cur na n-iarrachtaí is luaithe dá chuid lena chéile, na cinn a scríobh sé ó 1787 go 1788, is bailiúchán de dhánta Muimhneacha ceann den dá lámhscríbhinn a chuir sé de sa bhliain 1789, LN G1009; agus tá cúpla téacs

---

<sup>3931</sup> Féach nóta 1016.

Muimhneach sa lámhscríbhinn is déanaí atá againn óna pheann, LB Eg. 131, ina bhfuil dánta le Seán Clárach Mac Domhnaill a cóipeáladh sa bhliain 1790, agus cóip neamhiomlán den chín lae Ultach sin, *Cín Lae Uí Mhealláin*, ní a scríobhadh isteach in LB Eg. 131 sa bhliain 1793.<sup>3932</sup> Ní dócha go raibh an lámhscríbhinn sin ag Muiris riamh. Ba cheart a lua, áfach, gur léirigh Robin Flower, *B.M. Cat.*, ii, 150, gur baineadh na dánta le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin atá in LB Eg. 131 as lámhscríbhinní Mhuiris; agus is dóigh go bhfuarthas na dánta le Fiachra Mhac Bhrádaigh i lámhscríbhinn ar nós ARÉ 23D16 (506), nó ina heiseamláir, LB Eg. 135, a cuireadh chuig Muiris sa bhliain 1755. Mar sin, is féidir nach n-insíonn an malartú ábhair seo aon rud dúinn, agus go bhfuiltear ag lorg leide go cíocrach nach bhfuil ann. Is maith is féidir go raibh Muiris fós ina bheatha sa bhliain 1790.

B'fhéidir go measfaí go bhfuil sé le tuiscint ón malartú ábhair seo go raibh Henrí tar éis greim a fháil ar chuid mhaith de chnuasach Mhuiris, agus nár ghá dó dul a chóipeáil ábhair óna chuid scríbhinní. Ar an taobh eile den scéal, ní dhéanann sé ciall go leanfadh Henrí air ag cur nótaí sealbhóra ar na lámhscríbhinní scun scan idir na blianta 1788 agus 1791, mura raibh sé á bhfáil nó á gceannach i ndiaidh a chéile. I ndiaidh do Henrí cuid den chín lae a chóipeáil sa bhliain 1793, téann sé as amharc ansin, agus b'fhéidir nach mbeadh sé ró-mhíchruinn glacadh leis go ndeachaigh sé thar sáile sa bhliain 1794. Áitíodh cheana go raibh Edward O'Reilly bainteach le cúrsaí Gaeilge sular fhág Henrí Mac an tSaoir Baile Átha Cliath, agus ós rud é gur tharla lámhscríbhinní Henrí Mhic an tSaoir (nó cuid mhaith de lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin) i gcnuasach Edward O'Reilly ag pointe ama éigin nach fios dúinn, is leor sin lena rá (1) go raibh Henrí tar éis a chnuasach a dhíol agus imeacht leis; agus (2) go raibh Muiris Ó Gormáin marbh ag an bpointe ama sin. Caithfear a rá

---

<sup>3932</sup> Féach nóta 1007.

gurb eol dúinn, mar a dúradh thuas, gur dhíol Muiris lámhscríbhinní le [Edward] O'Reilly sula bhfuair sé bás, ní nach n-éascaíonn an scéal. Is féidir fós, déarfainn, go bhfuil eolas luachmhar le fáil sna cóipeanna a rinne Edward O'Reilly as lámhscríbhinní Mhuiris faoin am ar tharla siad ina chnuasach, ach ba bheag leis, ar nós Mhuiris Uí Ghormáin, dátaí a chur lena chuid oibre. Dátaí sna 1790í, thart faoin mbliain 1794, atá de dhíth orainn.

Cnuasach de dhánta as an *Leabhar Branach* atá in ARÉ 23Q1 (570), ceann de na lámhscríbhinní is sine atá againn ó lámh Edward O'Reilly, agus í scríofa aige ar pháipéar ina bhfuil an marc uisce 1794.<sup>3933</sup> Deirtear san eagrán de na dánta a chuir Mac Airt (1944: xv-xvi) le chéile go bhfuil ceangal láidir ag an lámhscríbhinn seo le LB Eg. 176, lámhscríbhinn a ghráf Muiris Ó Gormáin, 'each containing nine poems which follow the same order in both'. Tagann cuid den ábhar eile sa lámhscríbhinn as LN G135, lámhscríbhinn le Tadhg Ó Neachtain a bhí i gcnuasach Mhuiris idir na blianta 1761 agus 1772, *N.L.I. Cat.*, iv, 69. Dá ndéanfaí léamh air gur scríobhadh ARÉ 23Q1 (570) c.1794, mar gheall ar an marc uisce atá inti, is maith a rachadh sin leis an eolas a thugtar faoi imeacht Henrí thar sáile in II. Tá deacracht amháin leis an argóint seo, is é sin go bhfuil an marc uisce 'Edmeads & Pine 1794' i lámhscríbhinn eile le Edward O'Reilly, ARÉ 23P9 (139), ar cóip í de ARÉ 23P24 (138), 'Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill'. Is ceann de na lámhscríbhinní siúd a thug Seán Ó Cléirigh go Baile Átha Cliath leis í ARÉ 23P24 (138), agus murab é go raibh aithne ag Edward O'Reilly agus Seán Ó Cléirigh ar a chéile sular aistrigh Seán chuig an ardchathair, ní fheicim gur féidir gur scríobhadh ARÉ 23P9 (139) roimh an mbliain 1817.

---

<sup>3933</sup> Níl dáta léi.

Ní fhágann sin muid níos gaire don fhreagra, ach is fiú plé a dhéanamh ar chúpla rud eile. Thuairimigh Mac Cathmhaoil (2013: 35) gur scríobh Muiris a chuid féin den lámhscríbhinn LB Eg. 171 idir 1791 agus aimsir a bháis, timpeall na bliana 1794, ach níl dáta leis an gcuid den lámhscríbhinn a ghráf Muiris. Is soiléir gur bhunaigh Mac Cathmhaoil an chéad dáta, 1791, ar na dátaí a thugtar sa chéad chuid den lámhscríbhinn—ar ghráf Labhrás Mac Giolla Earna (*q.v.*) í idir na blianta 1790 agus 1791—agus gur thuig sé as sin, ós rud é go dtagann an chuid atá i láimh Mhuiris i ndiaidh na coda eile sin, gur scríobh Muiris deireadh na lámhscríbhinne i ndiaidh 1791. Is comhleabhar í an lámhscríbhinn seo, ceann de na lámhscríbhinní a cuireadh le chéile go luath sa 19ú hAois, agus a dhíol Séamus Ó hArdagáin le hIarsmalann na Breataine sa bhliain 1832, *B.M. Cat.*, iii, 19-20. Fágann sé sin nach féidir dáta a chur ar an gcuid a scríobh Muiris.

Lámhscríbhinn amháin ar fiú í a phlé go gasta is ea LN G482, lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin a grafadh thart faoi lár na 1780í, ina bhfuil cóip de ‘Oidhe Chloinne Lir’. Cuimhneofar air gur ghráf Muiris cóip den scéal sin sa bhliain 1786, ach níl dáta leis an gceann seo. Tá cúpla dán in LN G482 fosta, agus is olc an pheannaireacht tríthi, ach sa dóigh gurbh í aois an scríobhaí seachas easpa cúraim ab ábhar leis an script mhíshlachtmhar chreathach. Scríobh Henrí Mac an tSaoir<sup>3934</sup> trí bhailéad i gcúl LN G482, amhráin Bhéarla a bhí ‘quite the Ton’ le muintir Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1788. Seo an dáta atá sa chuid den lámhscríbhinn a ghráf Henrí, ach ní dóigh liom gur féidir a rá, ar an ábhar sin amháin, gur grafadh cuid Mhuiris den lámhscríbhinn sa bhliain chéanna; bhí Henrí tar éis cuid de leabhair Mhuiris a cheannach faoi dheireadh na bliana sin, mar a chonaic muid thuas.

---

<sup>3934</sup> Féach nóta 1015.

Ba dhóigh le hEoghan Ó Comhraí gur scríobh Muiris na sleachta atá in ARÉ 23Q11 (1244) agus ARÉ 23Q12 (1245) don Royal Dublin Society, thart ar an mbliain 1790,<sup>3935</sup> ach níl i gceist ansin ach tuairimíocht. Is beag an gar dúinn na cóipeanna a rinne Fearghal Ó Raghallaigh (*q.v.*) ó lámhscríbhinn le Muiris Ó Gormáin, gan amhras, idir 1790 agus 1796.<sup>3936</sup>

Is mó is ábhar spéise an obair a rinne Muiris do Charlotte Brooke, agus cé gur doiligh mórán sonraí nua a sholáthar, tá litreacha againn a scríobh Cathal Ó Conchubhair chuig Joseph Cooper Walker sa bhliain 1785, agus chuig Charlotte Brooke, ar priontáladh sleachta astu i gCaib. 2.172, litreacha a thaispeánann go raibh Muiris Ó Gormáin ag cuidiú le Charlotte Brooke téacsanna a réiteach le haistriúcháin orthu a chur i gcló i saothar Joseph Cooper Walker, *Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786). Agus é ag scríobh ar ais chuig Charlotte Brooke i dtaobh dréachtaí den leagan Gaeilge de ‘Tighearna Mhaighe Eo’ a bhí sí tar éis a chur chuige, dúirt Cathal Ó Conchubhair,

You should endeavour to get better Copies of them from old Gorman; or at least different ones, for so we might be able to Come at the true reading. Gracey Nugent seems to be quite pure & the Language is exceeding good.<sup>3937</sup>

Tagraíonn sé dhá áit eile do ‘Gorman’s copy’,<sup>3938</sup> ní a léiríonn go raibh Charlotte Brooke tar éis roinnt ábhair a fháil ó Mhuiris an tráth sin. Thagair Mac Cathmhaoil (2013: 35) don litir sin cheana. Fágann an méid sin go raibh Charlotte Brooke tar éis aithne a chur ar Mhuiris faoin mbliain 1785, agus priontáladh *Historical Memoirs of*

---

<sup>3935</sup> Féach nóta 2776.

<sup>3936</sup> LB Eg. 155.

<sup>3937</sup> ARÉ 23H39 (985), lch 20.

<sup>3938</sup> ARÉ 23H39 (985), lgh 17, ‘This is variously spoken but that in Gorman’s copy is the most harsh ...’; 19, ‘That in Gorman’s Copy is ...’ Leanann aistriúchán Béarla de líne as an amhrán an méid sin.

*the Irish Bards* an bhliain dár gcionn, ach is spéisiúla fós an bhaint a bhí ag Muiris le tiomsú na *Reliques of Irish Poetry* c.1788.

Léirigh Ní Mhunghaile (2010a), in alt a scríobh sí ar chuid de na foinsí a d’úsáid Charlotte Brooke go bhfuil tionchar lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin go mór le sonrú ar na *Reliques of Irish Poetry*.<sup>3939</sup> In ARÉ 23H39 (985), an lámhscríbhinn ina bhfuil litir Chathail Uí Chonchubhair ar coimeád, tá dhá litir eile a bhaineann le hobair Charlotte Brooke ar na *Reliques of Irish Poetry*, litreacha dar dáta 1788 agus 1789.<sup>3940</sup> Sa lámhscríbhinn chéanna, ar cnuasach de bhloghanna í, tá dhá ghiota i láimh Mhuiris—aistriúchán Béarla ar ‘Inghean Chonchubhair Uí Raghallaigh’ i bpeannaireacht iontach creathach atá i gceann acu.<sup>3941</sup> Chonaic muid cheana féin i gCaib. 2.172 go dtaispeánann cuid mhaith tagairtí inmheánacha sna *Reliques of Irish Poetry* go raibh Muiris ag tabhairt cóipeanna de dhánta di, agus gur thug sé di an leagan de ‘Laoi na Sealga’, ónar réitigh sí an t-aistriúchán Béarla sna *Reliques of Irish Poetry*, am éigin i ndiaidh mhí Iúil 1788. Síolraíonn an dáta sin ó chuntas a chuir cara le Joseph Cooper Walker chuige i dtaobh ábhar na laoi, rud a sheol Walker chuig Charlotte Brooke ina dhiaidh sin. ‘Mr. Walker, after this description of the mountain by his friend’, a scríobh Brooke (1789: 71), ‘adds his regret that he was not possessed of a complete copy of *The Chase*; but I afterwards procured one from Maurice Gorman, of this city (a professor of the Irish language), and from that copy I have made my translation’. Is dóigh le Ní Mhunghaile (2009a: 232) fosta gurb í an chóip de ‘Laoi Chatha Gabhra’ a chuir Charlotte Brooke chuig Thorkelin i litir dar

---

<sup>3939</sup> D’fhéadfá a rá gur cosúil go mór le hábhar na *Reliques* cuid dá bhfuil i lámhscríbhinní Henri Mhic an tSaoir, ach is eol dúinn go raibh seisean ag tarraingt ar leabhair Mhuiris fosta, agus ní fios dom go raibh aithne ag Charlotte Brooke ar Henri Mac an tSaoir.

<sup>3940</sup> ARÉ 23H39 (985), lch 21, litir ó [W.] Beauford, Baile Átha Í, an 9 Aibreán 1789, chuig Miss Brooke, 9 Stafford St., Baile Átha Cliath, a bhfuil cóip de ‘Laoi an Deirg’ léi; lch 25, litir ó Charles Vallancey, Milltown, an 25 Lúnasa 1788.

<sup>3941</sup> ARÉ 23H39 (985), lch 39, giota beag le Séamus Mac Cuarta; lch 43, aistriúchán ar dhán de chuid Thoirdealbhaigh Uí Chearbhalláin, ‘Inghean Chonchubhair Uí Raghallaigh’.

dáta 6 Lúnasa 1789<sup>3942</sup> an ceann atá i bpeannaireacht Mhuiris in LB Add. 11215, cuid de pháipéir Thorkelin. Dhealródh sé gur cheart sin di, ar ndóigh, agus ba idir 1786 agus 1791 a bhí Thorkelin in Éirinn i mbun a chuid oibre.<sup>3943</sup>

Is féidir dáta báis Mhuiris, dá bharr sin, a chur idir na blianta 1788 [? nó 1789, abraimis] agus c.1796. Bheinn ag ceapadh gurbh i dtreo thús na tréimhse sin a fuair sé bás, agus nach fada ón gceart an meastúchán a rinne Richard Sharpe, gur cailleadh Muiris c.1788. Luaigh Mac Cathmhaoil (2013: 75-6 *n.52*) i bhfonóta ag deireadh na beatha a scríobh sé gur scríobh “Clann Maolughra” (1915: 397-8) go raibh siopa ag daoine muinteartha le Muiris i gCo. Átha Cliath,

His handwriting is very perfect, and those of his MSS. that I have seen are beautifully finished. Unfortunately much of his work has been destroyed. I heard a story of his own grand-children, or grand-nephew and niece, I forget which, who kept a shop outside Dublin, having torn up many of his MSS. for waste paper in which to sell tobacco and sweets!

Is doiligh meabhair a bhaint as an tagairt dhoiléir dhosheiceála seo. Comhtharlú is ea é, déarfainn, go raibh siopa grósaera ag Peter Gorman éigin ag 84 \*Sr. na bPiollaí [Pill Lane] sa bhliain 1798 (Martin 2000: 73).

---

<sup>3942</sup> Litir in DE La.III.379, f. 166. Féach an plé a rinne Ní Mhunghaile (2009*a*: 232) uirthi.

<sup>3943</sup> Ghraf Muiris KBC NKS173, ina bhfuil cóip de ‘Laoi Chatha Gabhra’ do Phádraig Ó Con Cheanainn sa bhliain 1764. Cor eile sa scéal gur tharla KBC NKS173 i gnuasach Thorkelin. Fágann sin go raibh dhá chóip den laoi ag Thorkelin faoi dheireadh na bliana 1791.



### **Aguisín 17: Muintir Bhriain Uí Shearcaigh**

*Léitear seo i bpáirt le nóta 3542.*

Chonaic muid sa chuntas a tugadh ar Bhrian Ó Searcaigh i gCaib. 2.217 nach éasca an scoláire seo againn a cheangal le duine ar bith de na daoine darbh ainm Bryan (*al.* Bernard) Shark(e)y a bhí ag cur fúthu i Ráth Bódaigh, paróiste Bhaile an Tallúnaigh, sa chéad leath den 19ú hAois. Cinneadh air gan plé fada a dhéanamh ar an bhfadhb seo mar chuid den chuntas beathaisnéise féin, ar an ábhar nach raibh mé in ann teacht ar fhreagra sásúil ar an gceist. Tugtar san aguisín seo an beagán eolais a tháinig i mo threo, mar i ndúil is go ndéanfaidh duine eile an cheist seo a fhuascailt. Chuaigh Ó Mórdha (1958c: 158-60) sa tóir ar eolas i dtaobh Bhriain Uí Shearcaigh ó Ráth Bódaigh i dtaifid riaracháin, agus chuir sé an tAth. Diarmaid Mac Íomhair a bhailiú béaloidis i bparóiste Bhaile an Tallúnaigh chun na críche céanna. Fuair sé cuntais ar suas le cúigear darbh ainm sin a bhí beo sa dúiche sa chéad leath den 19ú hAois. An t-eolas a tugadh i dtaobh Bhriain Uí Shearcaigh sa chuntas i gCaib. 2.217, is fiú linn é a chur síos pointe ar phointe anseo, mar áis don léitheoir:

#### **(1) Bhí sé ina bheatha idir na blianta 1838 agus 1848.**

Cheannaigh Brian MN B1 ar an 16 Bealtaine 1838.<sup>3944</sup> Scríobh Aodh Mhac Domhnaill [2] litir chuige c.1848 (féach pointe (2)); agus tá dréacht de theistiméireacht againn a scríobh Brian ar son Phádraig Uí Thuathail ar an 5 Samhain 1848.<sup>3945</sup>

<sup>3944</sup> Féach MN B1 (*a*), lch 62; *M.N. Cat.*, iv, 111.

<sup>3945</sup> Tá an teistiméireacht i gcló in Beckett (1967: 292), agus tá eagrán di in Beckett (1967: 293). Féach an cuntas ar Bhrian Ó Searcaigh i gCaib. 2.217.

**(2) Bhí bean chéile aige, agus iníon óg a chuaigh thar saíle c.1848.**

Ní thugtar a n-ainmneacha dúinn, ar an drochuair. Sa litir féin, rud atá i gcló in Beckett (1967: 291-2), agus sa chuntas ar Aodh Mhac Domhnaill [2], tugann Aodh Mhac Domhnaill [2] le fios go raibh iníon Bhriain tar éis dul ar imirce i gcomhluadar fir eile ón gcomharsanacht sin. Ní fios dom cén aois a bhí uirthi, agus ós rud é go dtugann Aodh ‘gearrchaile’ uirthi áit amháin sa litir, is dóigh go raibh sí óg go leor thart faoin am sin, idir 15 agus 30 bliain d’aois, abraimis. Bhí bean Bhriain (‘do mhuiستoras’) fós ina beatha nuair a d’imigh a hiníon ar imirce fosta, agus tagraíonn Aodh Mhac Domhnaill [2] go speisialta di i ndán molta a cheap sé ar Bhrian Ó Searcaigh,

Sé Brian na céille searc na héigse  
Fuair gean ón réim dhaonna, ...  
Go mba fada saol don ainnir bhéasach  
Fuair mar chéile an saoi sin!<sup>3946</sup>

Níl dáta leis an dán, ach tá sé ar coimeád in OB 1/155, ar scríobh Peadar Ó Gealacáin í sa bhliain 1851 nó ina dhiaidh sin. Bheadh tuairim agam gur cumadh an dán thart faoi lár na 19ú hAoise. Is dóigh gur féidir linn a rá gur rugadh iníon Bhriain idir c.1818 agus c.1833. Tá cláir baistí Bhaile an Tallúnaigh ar fáil do na blianta 1817-1825, agus ó 1830 ar aghaidh; fágann sé sin go mbeimis ag súil leis go mbeadh trácht ar bhreith na hiníne seo, nó ar dheartháir nó ar dheirfiúr éigin léi, cibé rud é, áit éigin sna cláir seo. Tosaíonn na cláir póstaí sa bhliain 1804, agus tá siad iomlán agus soléite suas go dtí deireadh na 19ú hAoise. Déantar trácht iontu ar bheirt fhear darbh ainm Bryan (*al.* Bernard) Shark(e)y a pósadh sna blianta 1827 agus 1830, agus tráchtar, sna cláir baistí, ar sheisear páistí a rugadh don bheirt sin (ceathrar agus beirt

---

<sup>3946</sup> Cuireadh an dán in eagar in Beckett (1987: 74-5, 144-5).

faoi seach) idir 1830 agus 1845, agus ar pháiste gréine, John Sharky, mac le Brian Sharky éigin, a rugadh sa bhliain 1844.

### (3) Scológ a bhí ann.

Deir Brian Ó Searcaigh sa litir a scríobh sé chuig Roibeard Mac Ádhaimh an 19 Bealtaine 1845,

I was very busy heretofore with agriculture and I had no time to write until now...<sup>3947</sup>

Ceanglaíonn Ó Mórdha (1958c: 159) leis an scríobhaí seo againn tagairt eile a dhéantar do scológ darbh ainm sin i leabhar frásaí a chuir Aodh Mhac Domhnaill [2] le chéile,

Cá shiadh no sgoilogaibh is mo annsa bpairaisde sin a bh[f]uil tú do chomhnaidh? ... Eóin U[a] Lafán, Mithál U[a] Prandan 7 Brian [Ua] Searcidh 'siadh sin na trí or an triúr sgoilóg is mó maoin 7 éadail 7 a[i]rg[e]ad dá bh[f]uil san áit so. ...

Tosaímis leis na taifid riaracháin sin, ós iad na taifid is soiléire atá againn.

#### (A) Cláir Baistí & Póstaí, Baile an Tallúnaigh, 1804-1845:—

B'fhearr aghaidh a thabhairt, i dtús áite, ar chláir baistí agus póstaí Bhaile an Tallúnaigh.<sup>3948</sup> Ní thugtar iontu, ar an drochuair, ionaid chónaithe; déantar trácht ar bheirt fhear ar leith—Bryan Sharkey a phós Anne Durnin sa bhliain 1827; agus Bryan Sharkey eile a phós Mary Mullan sa bhliain 1830. Níl na taifid saor ó bhotúin, ar ndóigh.

<sup>3947</sup> LN G702(7), mír 2. Tá cóip ghlan de in Ó Mórdha (1958c: 173).

<sup>3948</sup> Tá na taifid uilig a thugtar faoi (A) le fáil i gClár Baistí & Póstaí, Baile an Tallúnaigh, 1804-75; Clár na bPóstaí, Baile an Tallúnaigh, 1816-63; Clár na mBaistí, Baile an Tallúnaigh, 1817-25; Clár na mBaistí, Baile an Tallúnaigh, 1830-5.

**A<sub>1</sub>. Bryan Sharkey agus Anne Durnin. Dáta pósta: 5 (?) Meitheamh 1827.**

Deirtear gur phós Bryan Sharkey bean darbh ainm May Durnin, iníon le ‘Alexander Durnin’, ar an 5 (?) Meitheamh 1827, ach tugtar Anne Durnin uirthi ar theastais bhaiste a gcuid páistí uilig. Is féidir go bhfuil a hathair le ceangal leis an ‘Alexr Durnin’ a raibh cónaí air i dTulaigh Chaoille, Rathkennary nó Beggarstown,<sup>3949</sup> i bparóiste Bhaile an Tallúnaigh, sa bhliain 1834. Is é an rud is aistí faoin taifead pósta seo nach bhfuil trácht ar pháiste ar bith a rugadh don lánúin go dtí an bhliain 1838, aon bhliain déag tar éis dóibh pósadh, agus ainmnítear ceathrar páistí sna taifid a rugadh dóibh sna hocht mbliana a lean sin. Tá, ar ndóigh, na taifid baistí don tréimhse idir 1825 agus 1830 ar neamhní, ach bheifí ag súil leis go mbeadh taifead ar pháiste nó beirt sna cláir atá againn don tréimhse 1830-1838. Is féidir go raibh cónaí ar an teaghlach áit éigin eile tar éis dóibh pósadh, agus gur fhill siad ar Bhaile an Tallúnaigh c.1838. Sin, nó go raibh dhá chlár baistí á gcoimeád sa pharóiste thart faoin am sin, agus gur cailleadh ceann acu. Seo iad an ceathrar a thugtar sna cláir baistí, cibé rud é.

Ainm	Dáta Baiste	Ainm na Máthar
Owen Sharky	25/4/1838	Anne Sharky [ <i>léitear Durnin</i> ]
Rose Sharkey	17/6/1840	Anne Durnin
Margaret Sharkey	28/6/1842	Anne Durnen
Nichs Sharky	13/1/1845	Anne Durnin

Mura raibh páistí eile acu, tá an iníon is sine, Rose Sharkey, i bhfad ró-óg lena ceangal le hiníon Bhriain Uí Shearcaigh, an gearrchaile a chuaigh go Meiriceá c.1848.

---

<sup>3949</sup> Is mionainmneacha iad Rathkennary agus Beggarstown, agus níl leaganacha oifigiúla Gaeilge ar fáil dóibh.

**A<sub>2</sub>. Bryan Sharkey & Mary Mullan. Dáta pósta: 24/1/1830.**

Iníon le Pat Mullan a bhí in Mary Mullan, de réir an teastais phósta. Rugadh beirt iníonacha dóibh:

Ainm	Dáta Baiste	Ainm na Máthar
Ann Sharkey	10/12/1830	Mary Mullan
Cathe Sharky	9/10/1832	Mary Mullan

Is gaire, ar ndóigh, aoiseanna na gcailíní sin d'iníon Bhriain Uí Shearcaigh, sa dóigh gur cosúla gurb ionann Brian Ó Searcaigh agus **A<sub>2</sub>**. Ar an taobh eile den scéal, b'fhéidir go meabhródh an dóigh a dtéann an teaghlach seo ó thuairisc sa bhliain 1832 dúinn an scéal úd faoi bhás **I**, Bryan the Shoulder, sa bhliain 1833. Pléifear an duine sin ar ball beag.

**A<sub>3</sub>. Brian Sharky agus Matilda Coleman.**

Ainm	Dáta Baiste	Ainm na Máthar
John Sharky	2[.]/10/1844	Matilda Coleman

Tá an nóta 'Illegitimate' leis an taifead baiste seo. Thiocfadh linn an duine seo **A<sub>3</sub>**, a cheangal le **A<sub>1</sub>** nó **A<sub>2</sub>**, ar ndóigh.

**(B) Leabhar na nDeachúnaithe, Ráth Bódaigh, Baile an Tallúnaigh, 1830:—**

Thug Ó Mórdha (1958c: 159 *n.1*) an t-eolas seo cheana, ach is fiú na giotaí is tábhachtaí a thabhairt athuair,

Ainm	Tailte
	A R P
Peter Sharkey	13.1.20
Nicholas Sharkey	13.1.20
<b>B<sub>1</sub></b> . Bryan Sharkey	22.1.0
Patrick Sharkey	6.1.33
<b>B<sub>2</sub></b> . Bryan Sharkey	6.3.15

**(C) Daonáireamh Pharóiste Bhaile an Tallúnaigh, 1834:—**

Scríosadh na daonáirimh a glacadh i Ráth Bódaigh nuair a dódh Sean-Oifig na dTaifead Poiblí sa bhliain 1922, ach tháinig slán daonáireamh a réitigh Pat Gernon ar son an tsagairt pharóiste sa bhliain 1834. Ní thugtar sa daonáireamh seo ach ainm phríomháititheoir an tí, agus an méid Caitliceach agus Protastúnach a bhí ag cur fúthu sa teach. De bhreis ar an méid sin, déantar cuid de na bailte fearainn beaga a ghrúpáil le chéile, sa dóigh go bhfuil aon liosta amháin againn le haghaidh ‘Nicholas-town and Rathbody’, agus gan dóigh againn ar idirdhealú a dhéanamh idir na daoine a bhí ag cur fúthu i Ráth Bódaigh, abramis, agus an chuid eile. Tá an daonáireamh i gcló in MacIvor (1957), as ar baineadh na sonraí seo. Ní raibh ach duine amháin darbh ainm Bryan (Bernard) Shark(e)y ina phríomháititheoir ar theach i Ráth Bódaigh agus i mBaile Niocláis, nuair a rinneadh an obair suirbhéireachta i mí Dheireadh Fómhair 1834. Cuireadh a ainm ar an daonáireamh mar ‘Bernd Sharky’, agus bhí ochtar Caitliceach ina gcónaí sa teach. Tugtar cúpla duine eile dar shloinne Shark(e)y faoi Ráth Bódaigh agus Bhaile Niocláis ar an daonáireamh,

Mathw Sharky, 7 Caitliceach;

Thos Sharky, 7 Caitliceach;

Peter Sharky, 4 Caitliceach;

Nichs Sharky, 7 Caitliceach; agus, ar ndóigh,

C. Bernd Sharky, 8 Caitliceach.

**(D) An Oifig Luachála, Leabhair Thithe, Baile an Tallúnaigh, 1837:—**

Ní thugtar eolas sna leabhair thithe seo ach ar phlotaí ar a raibh tithe agus oifigí arbh fhiú níos mó ná £3 iad. Ba i mí Dheireadh Fómhair 1837 a rinneadh an obair suirbhéireachta ar pharóiste Bhaile an Tallúnaigh, agus tugtar faoi Ráth Bódaigh:

Uimh.	Ainm	Cur síos	Grád	Luach	
<b>D.</b>	3.	Bryan Sharkey	House	3C+	1.17.4
		'Holds 22 acres £4'	Office	3C+	3.4
			Office	3B+	13.3
			Office	3B–	5.3
			Office	3B–	6.11
			[Office]	3B–	1.7
			Office	3B	<u>10.2</u>
					3.17.10
5.	Widow Sharkey 'holds 15 acres £5'	House about ½ lofted	2C+	2.5.0	
		Office	3C+	5.9	
		Office	3C+	11.0	
		Do Do	2/3C+	4.4	
		Do Do	2/3C+	8.6	
		Do car ho[use] &c	3C+	<u>5.10</u>	
				4.0.5	

Diomaite de nach fios dom cé hí an Widow Sharkey go sonrath, thig linn **D** a cheangal le **B**<sub>1</sub>, ó tharla go luaitear 22 acra leo beirt sna taifid. Ní bheifí ag súil le **B**<sub>2</sub> a theacht aníos sna Leabhair Thithe, ó tharla nach raibh ach tuairim is 6 acra aige.

**(E) An Oifig Luachála, Luacháil Griffith, 1854:—**

Féach Ó Mórdha (1958c: 159 n.1), áit ar tugadh an t-eolas seo cheana. Ní gá an taifead a thabhairt ina iomláine. Ba i Ráth Bódaigh a bhí cónaí ar an té dá ndéantar tagairt sa luacháil. Bhí teach ar gach ceann de na plotaí seo.

Ainm	Léasóir	Talamh	Luach
		A R P	£ s. d.
1a Peter Sharkey	Ford Lately	22.0.6	22.10.0
<b>E.</b> 2a Bryan Sharkey	[Ford Lately]	22.0.17	22.10.0
2b James Macken	Bryan Sharkey	————	0.5.0
2c Vacant	Bryan Sharkey	————	0.8.0
13a Mary Sharkey	[Charles Fortescue]	11.0.10	11.15.0
13b Nicholas Sharkey	Mary Sharkey	————	0.5.0

Níl ach áititheoir amháin darbh ainm Bryan (Bernard) Shark(e)y tugtha faoi Ráth Bódaigh arís sna taifid, agus is dóigh gur féidir, ar mhéid an phlota a bhí aige, eisean

a cheangal le **B<sub>1</sub>D**. Ar an ábhar nach bhfuil trácht ar bith ar **B<sub>2</sub>** le fada an lá, is dóigh gur féidir glacadh leis gurbh aon duine amháin **B<sub>1</sub>CDE**.

**(F) Oifig na Probháide, *Calendar of Wills and Administrations*:—**

Féach na trí thagairt seo a thugtar do mhuintir Ráth Bódaigh:

*Calendar of Wills and Administrations, Wills*, 1858, lch 227:—

SHARKEY Patrick. [26]. Effects under £1,000. 25 February The Will of Patrick Sharkey late of Rathbody in the County of Louth deceased who died 1 December 1857 at said place was proved at the Principal Registry by the oath of Bernard Sharkey of same place one of the Executors.

Ní fios an ionann an Bernard Sharkey sin agus an té ar promhadh a thiomna féin sa bhliain 1862.

*Calendar of Wills and Administrations, Administrations*, 1862, lch 176:—

- F.** SHARKEY Bernard. [67]. Effects under £450. 29 October. Letters of Administration of the personal estate of Bernard Sharkey late of Rathbody in the County of Louth Farmer a Bachelor deceased who died 10 October 1862 at same place were granted at Armagh to Alice Larney otherwise Sharkey (the Wife of John Larney of Killen in the said County of Louth Farmer) the Sister only next of kin of said deceased.

*Calendar of Wills and Administrations, Wills & Administrations*, 1880, lch 655:—

SHARKEY Mary. 17 June. Letters of Administration of the personal estate of Mary Sharkey late of Rathbody County Louth Widow deceased who died 29 January 1880 at same place were granted at the Principal Registry to Alice M'Eneany (Wife of Patrick M'Eneany Carpenter) of Dowdstown County Louth the Daughter of said deceased.

Ar an ábhar go raibh éastát ag **F** arbh fhiú giota beag níos lú na £450 é, is éasca eisean a cheangal le **B<sub>1</sub>CDE**. Baitsiléir a bhí in **F**, agus ciallaíonn sé sin nach féidir é a cheangal le **A<sub>1</sub>** ná **A<sub>2</sub>**. Is féidir, ar ndóigh, gurb é **A<sub>3</sub>** é, óir ní bheadh mac neamhdhlisteanach leis i dteideal a chuid maoinne a fháil, cibé rud é. Más fíor gurbh



aon duine amháin **B<sub>1</sub>CDEF**, ní féidir é a cheangal le Brian Ó Searcaigh, ag a raibh bean chéile agus cúram. Ar an ábhar, áfach, go raibh giotaí talún ag Brian Ó Searcaigh, bheimis ag súil leis go mbeadh trácht éigin air sna taifid. Fágann sin gur féidir go bhfuil sé le ceangal le **A<sub>1</sub>** nó **A<sub>2</sub>**, agus / nó gurb é **B<sub>2</sub>** é, an té ag a raibh sé acra talún sa bhliain 1830.

Agus an méid sin pléite againn, is féidir féachaint ar an seanchas a bailíodh ar son Shéamuis Ph. Uí Mhórdha, ag tosú leis an tagairt féin a dhéanann Ó Mórdha (1958c: 159) do gach duine den chúigear Bryan Sharkey ar chualathas trácht orthu i Ráth Bódaigh i lár na 20ú hAoise. Deir Ó Mórdha (1958c: 158) go bhfuarthas cuid mhaith den eolas ‘from James Sharkey of Rathbody, and from other local sources by Fr. Dermot Mac Ivor’, ‘Mrs. Lynch of Edmondstown’ (in aois a 77 mbliana an uair sin) san áireamh.

**(G) Bryan Sharkey (ob.c.1870), uncail James Sharkey.**

‘One of these was granduncle of the present James Sharkey of Rathbody. He died around 1870 aged seventy. He had no special reputation for learning’.<sup>3950</sup>

Cé nach féidir liom a thaispeáint cá mhéad duine dar shloinne Sharkey a bhí ag cur fúthu i Ráth Bódaigh i lár na 20ú hAoise, ní raibh ach teaghlach amháin díobh ann ag tús na haoise sin, agus bhí James Sharkey éigin ina bhall den teaghlach sin. Bhí sé 13 bliana d’aois nuair a glacadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, agus 23 bliana d’aois in 1911; Peter agus Ellen Sharkey a bhí ar a thuismitheoirí. Diomaite de go dtugtar le fios gur rugadh James Sharkey i Ráth Bódaigh sa bhliain 1887,<sup>3951</sup> tá sé ar taifead sa dá dhaonáireamh gur rugadh a athair agus a mháthair i gCo. na Mí: tháinig Peter Sharkey ar an saol ann c.1856, agus Ellen Fegan c.1863. Bhí cúpla teaghlach

---

<sup>3950</sup> Ó Mórdha (1958c: 159).

<sup>3951</sup> OAC, Clárúimhir: 11825982.

dar shloinne Sharkey i nDroim Ghail, Droim Conrach, Co. na Mí, i lár na 19ú hAoise, agus cé nach féidir liom a thaispeáint go raibh páirt ag Peter Sharkey leis na teaghlaigh sin, is dóigh gur féidir linn glacadh leis—mar gheall ar an bpáirt a bhí aige le Bryan Sharkey **G**—gur de mhuintir Ráth Bódaigh a athair ar bhealach amháin nó eile.

Tá deacracht amháin ag baint leis an gcuntas seo: más ionann an James Sharkey a thug faisnéis don Ath. Diarmaid Mac Íomhair *c.*1958, agus an James Sharkey a rugadh sa bhliain 1887, rugadh a athair *c.*1856. Ní féidir, mar sin, go raibh uncail ag James ar thaobh a athar a rugadh *c.*1800, agus bheadh tuairim agam gur sheanuncail dá chuid é **G**, nó gur cuireadh a aois síos go contráilte. Is doiligh eisean a cheangal le duine ar bith de na daoine a tugadh na taifid riaracháin. Fágaimis ar leataobh é go dtí go mbeidh na daoine eile pléite againn.

#### **(H) Bryan a Nicki Sharkey**

‘The second was Bryan a Nicki (Mac Nicí), son of Nicky Mór. He was also called Big Bryan. He was the best educated and wealthiest of the three Bryans though the informant never heard of his writing anything. He later neglected his property, due to drink, it’s alleged. He left no descendants’.<sup>3952</sup>

Más fíor nach raibh sliocht ar bith ar **H**, ní féidir é a cheangal le Brian Ó Searcaigh. Diomaite de go bhféadfaí a rá go dtéann sé le céill go ndearnadh dearmad glan ar iníon Bhriain Uí Shearcaigh i gcuimhne phobal na háite tar éis di dul go Meirceá, agus go míneodh sin an tuairim choiteann nach raibh sliocht ar bith ar Bhrian murar fágadh duine dá shliocht ina dhiaidh i Ráth Bódaigh tar éis a bháis, is doiligh a chreidiúint, ar bhealach, nach raibh páistí eile aige. Bheadh tuairim agam, toisc go

---

<sup>3952</sup> Ó Mórdha (1958c: 159).

ndeirtear (1) gurbh eisean an duine ba shaibhre de mhuintir Shearcaigh; agus (2) nach raibh sliocht air, go bhfuil sé le ceangal le **B<sub>1</sub>CDEF**.

**(I) Bryan the Shoulder Sharkey (ob.1833)**

‘Another Bryan Sharkey, Bryan the Shoulder, also lived in the townland. The latter had a reputation for learning, according to informant [*sic*], but as he appears to have died in 1833 he could not be Mac Adam’s correspondent’.<sup>3953</sup>

Is ábhar iontais go raibh James Sharkey in ann an bhliain chruinn, 1833, a thabhairt, ach tá údar maith leis sin: is féidir glacadh leis gurb ionann **I**, Bryan the Shoulder Sharkey, agus an scológ bhocht ó pharóiste Bhaile an Tallúnaigh a maraíodh sa pharóiste ar an 6 Meán Fómhair 1833. Tugann cuid de na cuntais a priontáladh ar na páipéir nuachta áitiúla beagán eolais faoi: deirtear sa *Newry Telegraph* go raibh sé ‘residing under the same roof, but not in the same house, with his father, who is a respectable farmer, renting a large tract of land’, agus gur mharaigh na comharsana béal dorais é.<sup>3954</sup>

Fear measartha óg a bhí ann, agus is éasca é a cheangal le **A<sub>2</sub>**, ar bhealach, an té a phós Mary Mullan sa bhliain 1830, agus nár rugadh dóibh ach beirt iníonacha, sna blianta 1830 agus 1832 faoi seach. Is dóigh fosta go ndéarfaí gur féidir gurb ionann **I** agus **B<sub>2</sub>**, an té ag a raibh sé acra sa bhliain 1830, agus nach bhfuil tuairisc ar bith air i ndaonáireamh na bliana 1834. Ar an taobh eile den scéal, is féidir go bhfuil sé le tuiscint as an tagairt aduain sin dá theach, agus do theach a athar, ‘... under the same roof, but not in the same house ...’, go raibh dhá theach leathscoite acu: ma bhí teach

---

<sup>3953</sup> Ó Mórdha (1958c: 159).

<sup>3954</sup> *Newry Telegraph*, an 13 Meán Fómhair 1833. Tugadh tuairisc ar an *Drogheda Journal*, an 8 Márta 1834, ar ‘the wilful murder of Bryan Sharkey, near Tallanstown, the 6th September, 1833’.

aige ar phlota a athar, ní bheadh trácht ar bith air i *Leabhar na nDeachúnaithe* (1830), ná sna *Leabhair Thithe* (1837), srl.

Is fiú trácht ar phointe beag amháin eile i dtaobh **I**. Dá nglacfaimis leis gurbh aon duine amháin **A<sub>2</sub>** agus **I**, bheimis ag súil le tagairt éigin dá bhaintreach i ndaonáireamh na bliana 1834. Níl a leithéid ar taifead ann, ná níl trácht ar dhuine ar bith dar shloinne Mullan faoi Ráth Bódaigh agus Bhaile Niocláis. Cuimhnítear air, áfach, nach dtugtar ionaid chónaithe sa chlár baistí, agus nach féidir linn, dá bharr sin, a bheith siúráilte go raibh cónaí ar Bryan Sharkey **A<sub>2</sub>** agus Mary Mullan i Ráth Bódaigh é féin. Déantar trácht ar thriúr baintreach dar shloinne Sharkey sa daonáireamh,

Áit	Ainm	Daoine
1. Arthurstown, Authul, Drummala & The New Farm	Widw Sharky	5 Caitliceach
2. Knocklore	Widow Sharky	4 Caitliceach
3. Stormanstown & Coolamoney	Widw Sharky	5 Caitliceach

Déantar trácht ar sheachtar príomháititheoirí dar shloinne Mullan sa pharóiste uilig, Peter Mullan (2 Chaitliceach) ó Bhaile Éamoinn, agus an seisear eile faoi Chnoc Lór, Baile an tSiarlaigh. Glacaim leis, ós rud é nach bhfuil na liostaí daoine a thugtar faoi gach baile fearainn nó mionainm in ord aibítire, go bhfuil tábhacht éigin eile ag baint leis an leagan amach, nó go raibh baint ag dáileadh geograifeach na dtithe sa bhaile fearainn leis an scéal. Féach, ar an ábhar sin, an chéad duine eile a luaitear tar éis an tseisir sin i gCnoc Lór,

Mathew Mullan, 6 Caitliceach;  
Nichs Mullan, 4 Caitliceach;  
Widw Mullan, 7 Caitliceach;  
Thomas Mullan, 10 Caitliceach;  
Thadeus Mullan, 11 Chaitliceach;  
Pat Mullan, 8 Caitliceach;  
Widow Sharky, 4 Caitliceach.

An féidir gurb í Mary Mullan an ‘Widw Sharky’ sin, agus go raibh sí taobh lena muintir féin i gCnoc Lór sa bhliain 1834? Más fíor sin, níl a fhios agam cé hé an ceathrú duine a bhí ag cur faoi i dteach Mary, óir ní raibh aici ach beirt iníonacha. Is féidir go raibh duine eile ar lóistín sa teach léi, ach níl i gceist ansin, cosúil lena lán dá ndúradh thuas, ach tuairimíocht—ach caithfear an scéal a fhágáil mar atá, ar an drochuair, nó go bhfaighfear eolas eile.

**(J) Bryan Sharkey (ob.c.1820)**

‘A tradition recorded for Fr. Mac Ivor from Mrs. Lynch of Edmondstown by James Sharkey gives us a Bryan Sharkey who, she thinks, would have been the most likely to have written anything, but he seems to have died about 1820’.<sup>3955</sup>

Tugtar an méid seo eolais i bhfonóta i dtaobh bhaintreach **J**,

‘This Bryan Sharkey’s widow married, according to Mrs. Lynch (aged 77), a man named Blackwell. A daughter of this second marriage died over 50 years ago and was probably over 80 at the time of her death’.<sup>3956</sup>

Dá nglacfaimis le bliain foilsithe an ailt mar dháta na faisnéise sin, thabharfadh sé sin c.1828 mar thomhas dúinn ar dháta breithe na hiníne seo Blackwell. Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, go bhfuair **J** bás thart faoin am sin, óir má ba rud é gur fhág sé baintreach óg ina dhiaidh, d’fhéadfadh sé gur rug sí cuid mhaith páistí ar an saol nuair a phós sí ——— Blackwell.<sup>3957</sup> An méid sin curtha síos againn, déarfainn gur

---

<sup>3955</sup> Ó Mórdha (1958c: 159).

<sup>3956</sup> Ó Mórdha (1958c: 159 n.3).

<sup>3957</sup> Ar an ábhar nach fios dúinn goidé an t-ainm a bhí ar bhean Bryan Sharkey **J**, níl d’eolas againn ar an dara pósadh, ach gur tharla sé am éigin idir c.1800 agus c.1830; sin agus gur phós an bhaintreach fear darbh ainm ——— Blackwell. Ba nós, chomh fada agus a thuigim an scéal, baintreacha a chur síos sna taifid, sa chás gur phós siad athuair (i gcás na dtaifead Caitliceach, cibé rud é), faoina sloinnte breithe, ach tugtar sloinne pósta na baintrí mar *alias* corruair, nó tugtar nóta eile chun na críche sin. Dúradh cheana cúpla uair go bhfuil easpa leanúnachais le brath go mór ar thaifid Chaitliceacha na 19ú hAoise ó pharóiste go paróiste. Níl ach dhá thaifead fhóirsteanacha, go bhfios dom, sna cláir. Phós Alexander Blackwell bean darbh ainm Elizabeth Josselin i mí an Mhárta 1805, agus phós Thomas Blackwell bean darbh ainm Mary Thornton ar an 14 Feabhra 1827. Ní thugtar *alias* ar bith sna taifid seo, ná leid ar bith eile go raibh Elizabeth Josselin ná Mary Thornton pósta le fear darbh ainm Sharkey riamh.

maith c.1820 mar thomas ar dháta báis **J**. Ciallaíonn sé sin nach féidir é a cheangal le **A<sub>1</sub>, A<sub>2</sub>, A<sub>3</sub>, B<sub>1</sub>CDEF**, ná **B<sub>2</sub>**. Tá na traidisiúin seo i gcló in Ó Mórdha (1958c: 158-60), agus níl mé cinnte gur roghnaigh sé an duine ceart. Chuir ‘Caterine Blacbhell’ (*al.* Catherine Blackwell) ó Ráth Bódaigh a hainm le COBÁC M18, lámhscríbhinn de chuid an Dra Séamus Mhac Giolla Choille, sa bhliain 1850. Féach an cuntas ar an lámhscríbhinn in Ó Duibhginn (1972: 80-3). Is é an donas, áfach, go bhfuil an sloinne sin Blackwell thar a bheith coitianta sna taifid fosta.

Bheadh tuairim agam, i gcead don bhean a thug an t-eolas, go bhfuil lúb ar lár éigin sa chuntas sin. Ó tharla go bhfuil taifid mhaithe againn ar na póstaí a ceiliúradh i bparóiste Bhaile an Tallúnaigh ón mbliain 1804 ar aghaidh, bheimis ag súil leis go mbeadh taifead ar an dara pósadh ann, agus b’fhéidir an chéad cheann. Níl taifead ar bith ar phósadh duine darbh ainm Bryan Sharkey, faoi litriú ar bith, i gcláir an pharóiste ó 1804 go dtí 1827, ach tá an pósadh a ceiliúradh sa bhliain sin, 1827, rómhall lena cheangal leis an Bryan Sharkey seo, ar ndóigh. Má b’ann do **J** ar chor ar bith, is dóigh gur bhain sé le glúin eile ar fad. Níor mhiste smaoineamh ar bhriathra Uí Mhórdha (1958c: 159): ‘Of course there may be confusion in the tradition owing to the similarity of names’. Ba dhóigh le James Sharkey (féach **G**) nach raibh ach triúr darbh ainm Bryan (Bernard) Shark(e)y ag cur fúthu i Ráth Bódaigh sa dara leath den 19ú hAois.

**(K) Bryan Sharkey (ob.1805)**

‘The memory of another Bryan Sharkey of this area is recorded in a headstone inscription in Tallanstown graveyard. He died in 1805’.<sup>3958</sup>

---

<sup>3958</sup> Ó Mórdha (1958c: 159).

Is féidir fáil réidh leis an tagairt seo, cé gur dóigh go raibh páirt éigin aige le Brian Ó Searcaigh. Fágann sin nár éirigh linn **A<sub>1</sub>** (ná **A<sub>2</sub>**, is dóigh) agus **G** a cheangal le duine ar bith de na háititheoirí a thugtar sna taifid talún. An féidir go bhfuil Brian Ó Searcaigh le ceangal le **A<sub>1</sub>** agus **G**? Má fhágtar na taifid talún ar leataobh, ní théann siad in éadan na bpointí eolais a leag muid amach. Má rugadh páistí eile do **A<sub>1</sub>** idir an t-am ar phós sé Anne Durnin sa bhliain 1827, agus an bhliain ar rugadh an chéad pháiste a bhfuil tuairisc againn air (1838), is féidir go raibh iníon aige c.1848 a bhí aosta go leor le dul ar imirce. Caithfidh sé go raibh triúr darbh ainm Bryan (Bernard) Shark(e)y ag cur fúthu sa pharóiste sa chéad leath den 19ú hAois, cibé rud é, óir is daoine ar leith iad **A<sub>1</sub>**, **A<sub>2</sub>**, agus **B<sub>1</sub>**.<sup>3959</sup>

---

<sup>3959</sup> Agus mé ag léamh siar ar an aguisín seo, tháinig mé de thaisme ar thagairt eile do theastas báis Bryan Sharkey éigin a cláraíodh in Aontas Bhaile Átha Fhirdhia (an tAontas ina bhfuil Baile an Tallúnaigh suite). Bhí sé 55 bliana d’aois ar uair a bháis, de réir an innéacs, ach níl an teastas féin (*OAC*, Cláruimhir: 1868, Ráithe 2, Iml. 7, lch 269) feicthe agam.

### **Aguisín 18: Seághan Ó Faircheallaigh (1845-1927): ‘An Scríobhaí Deiridh’**

Lámhscríbhinní: ARÉ 12Q1i (838), 1892; ARÉ 12Q1ii (839), 1899; ARÉ 12Q2i (840), 1893-4; ARÉ 12Q2ii (841), 1894-6; ARÉ 12Q2iii (842), 1897; ARÉ 12Q3 (843), 1879, 1887-90; ARÉ 12Q4 (844), 1890-1; ARÉ 12Q5 (845), 1886-7; ARÉ 12Q6 (846), 1887-9; ARÉ 12Q7 (847), 1889-90, 1894; ARÉ 12Q8 (848), 1884, 1889, 1894; ARÉ 12Q9 (849), 1891-2; ARÉ 12Q10 (850), 1885-9; ARÉ 12Q11 (851), 1886; ARÉ 3A7 (852), 1893; ARÉ 3A8 (853), 1893; ARÉ 3A9 (854), 1893; ARÉ 3A10 (855), 1893; ARÉ 12B<sup>1</sup>20(1) (1085); ARÉ 12O25;<sup>3960</sup> COBÁC MA8, 1909; COBÁC MA9, 1909; COC B[8] (111), 1890-1; LEM Z2.2.2, 1893; LN G340, 1880, 1885-8; LN G348, 1895-9; LN G413, 1875, 1888-90; LN G564, 1912; LN G690, 1895, LN G878.

Is fiú an fógra báis a scríobh Ó Casaide (1928*b*: 13-14) ar Sheághan Ó Faircheallaigh a thabhairt ina iomláine, ós é an cuntas is fearr atá againn air,<sup>3961</sup>

A FAMILIAR and venerable figure is missing from the great Dublin libraries. The Rev. Patrick M. MacSweeney in his fine study *A Group of Nation Builders O’Donovan – O’Curry – Petrie* (C.S.T.I., 1913), commented on the attraction which the Summer Hill district of Dublin city appears to have possessed for Irish scholars who settled in Dublin about ninety years ago. After his return from the United States, SEAN O FAIRCHEALLAIGH was a resident in that district for about fifty years, and during that long period was a faithful supporter of the various movements for the preservation of the Irish language and for the cultivation of traditional Irish music—notably that of the Union pipes.

For many years he was engaged on research work in the Record Office and other depositories of manuscripts for Irish-Americans and others interested in genealogical or historical inquiries, and his classical education stood him in

---

<sup>3960</sup> Níor cláraíodh an lámhscríbhinn sin go fóill, agus ní lámhscríbhinn ó cheart í, ach cnuasach de *lemmata* foclóra, agus liostaí d’ainmneacha plandaí.

<sup>3961</sup> Bunaíodh an cuntas in *Beath*. 1882-1982, 4, 115 col. a – 115 col. b, ar Ó Casaide (1928*b*), agus ar na tuairisceáin a líon Seághan nuair a bhíodhas ag glacadh *Dhaonáireamh na hÉireann*, 1901, agus 1911.



good stead while employed in calendaring and transcribing historical documents in connection with the process for canonising some of the Irish martyrs. It was while engaged on this latter work on 11th November, 1927, in the Franciscan Library, Merchant's Quay, Dublin, that he was unexpectedly seized with the illness which terminated fatally before he reached his home. On the 15th he was buried in the family grave at Rathmore, Co. Meath, not far distant from Telltown—the historic Tailte—where he was born about eighty years ago—the son of Séamus O Faircheallaigh and Jane Boland. The surviving relatives include his widow (Mary Anne Flynn) and a younger brother (Criostóir of Edenderry), as well as several nephews and nieces. The death of his nonagenarian brother (Séamus of Tatestown) about six months previously had affected Seán very much. With this simple, kind and courtly scholar an interesting link with the past is gone. Seán was the last person employed officially in Trinity College, Dublin, and in the Royal Irish Academy on the transcription of documents in the Irish language. *Solus na bhflaitheas d'a anam.*

Ag tarraingt ar an gcuntas sin, is féidir cúpla rud eile a rá faoi bheatha Sheághain, nó Seághan Seósaph Ua Fearghaile (*al.* Ua Faircheallaigh),<sup>3962</sup> mar a thugadh sé air féin. Is é an t-aon bhotún mór atá san fhógra sin, de réir mar a thuigim, ainm a athar. Ós rud é go n-áitítear gur rugadh Seághan sa Ráth Mór, bheifí ag déanamh amach gur baisteadh é sa pharóiste Caitliceach ina bhfuil an paróiste dlí sin suite, is é sin, i mBaile Átha Buí, Co. na Mí. Dhealródh sé nár shloinne iontach coitianta sa taobh sin tíre é Ó Faircheallaigh an tráth sin, agus níl ach tagairt amháin sa chlár baistí a d'fhéadfaí a cheangal leis, John, mac le Nicholas Farrelly agus Jane Boland, a baisteadh ar an 16 Eanáir 1845.<sup>3963</sup> Caithfidh sé gurb eisean an scríobhaí. Tá na cláir a coimeádadh le linn na mblianta seo againn ar fáil ina n-iomláine, ach ó tharla gur scríobhadh go míchúramach iad, is doiligh codanna díobh a léamh, agus is féidir, mar gheall ar an mbearna a luafar thíos, nach liosta iomlán é seo de pháistí Nicholas Farrelly agus Jane Boland: Terence, a baisteadh ar an 2 Meán Fómhair 1831; Anne, a

---

<sup>3962</sup> Cloím leis an leagan *Ó Faircheallaigh*, leagan a thosaigh sé a úsáid i dtreo dheireadh a shaoil amháin, ós sothuighe é ná an leagan eile atá ar fhorhmór na lámhscríbhinní a ghráf sé, sin *Ua Fearghaile*, toisc go mbíonn leaganacha den chineál sin in úsáid ag scríobhaithe eile dar shloinne *Farrell* sa Bhéarla. Litríodh sé a ainm baiste mar *Seaghan* nó *Seághan* ina chuid lámhscríbhinní.

<sup>3963</sup> Féach nóta 3964 thíos.

baisteadh an 25 Eanáir 1834; Mary, an 21 Márta 1835; tá ‘bearna’ deich mbliana ina dhiaidh seo; baisteadh John ar an 16 Eanáir 1845; Christopher, an Criostóir ar thagair Séamus Ó Casaide dó, ar an 4 Iúil 1847; agus Francis, a baisteadh an 12 Nollaig 1849.<sup>3964</sup> Tugtar Nicholas Farrelly ar an athair i ngach ceann de na taifid seo, agus is mar sin a cuireadh a chéadainm síos ar theastas pósta Sheághain. Níor dhearmad d’Ó Casaide deartháir eile, Séamus ó Bhaile an Táith,<sup>3965</sup> a lua—fuair sé bás in aois a 91 bhliain, de réir an teastais bháis, ar an 27 Aibreán 1927 i mBaile an Táith.<sup>3966</sup>

Bhí Seághan ag freastal ar Choláiste San Finnéin san Uaimh faoin mbliain 1861,<sup>3967</sup> áit a raibh an Laidin á foghlaim aige an uair sin, mar aon le cuid de na teangacha eile a bhí ar a thoil aige níos déanaí ina shaol, is dóigh. Tá an chuma ar an scéal gur bheag aird a tugadh don Ghaeilge sa choláiste sin i lár na 19ú hAoise, agus ní fios dom cár fhoghlaim Seághan scríobh na teanga sin. Bhí sé in Baltimore, Maryland, faoin 9 Iúil 1873.<sup>3968</sup> De réir Shéamuis Uí Chasaide, d’fhill Seághan ar Éirinn sna 1870í, am éigin roimh 1879, agus faoin am ar phós sé Mary Anne O’Flynn san Ard-Eaglais i mBaile Átha Cliath ar an 9 Meitheamh 1889, bhí cónaí air in 39 Sr.

---

<sup>3964</sup> As an gClár Baistí & Adhlacthaí, *Baile Átha Buí*, 1827-58.

<sup>3965</sup> Ní thugtar leagan oifigiúil Gaeilge de Tatestown, ach is follas gurb ionann an áit seo agus ‘Baile an Taich’ i bparóiste Dhomhnach Phádraig, áit ar scríobh Mícheál Ó hAirt ARÉ 23C1 (371), ó tharla go dtugtar *Taafestown* mar leagan malartach ar *Tatestown* i bpáipéir na Suirbhéireachta Ordanáis. Scríobhaim ‘Baile an Táith’, ar scáth an tseanleagain atá ag Mícheál Ó hAirt.

<sup>3966</sup> Deirtear ar an teastas báis (*OAC*, Cláruimhir: 1836604) go raibh bean ‘James Farrelly’ fós ina beatha ar uair a bháis, agus chláraigh mac leis, Frank Farrelly ón áit chéanna, an teastas ar an 3 Meitheamh 1927.

<sup>3967</sup> Chonaic Ó Lochlainn (1942: 134) Seághan, ‘this tall, bearded old man who had very little patience with noisy children’, i mbrainse de Chonradh na Gaedhilge uair, agus tharla leabhar de chuid Sheághain ina chnuasach ina dhiaidh sin. Mar seo a thráchtann Ó Lochlainn (1942: 134) air,

I have before me his copy of Alvarez’ Latin Prosody, which contains the following inscriptions:

(1) Ar na chumhadh 7 ar na dheisiughadh. 27. Mithimh. 1823.

(2) Seághan. S. Ó Faircheallaigh, 2<sup>o</sup> lá den lúghnas. 1923.

(3) Master John Farrelly, R.C. Seminary, Navan (in pencil).

(4) John Farrelly, Cloneymore. Saturday, 19th Octbr 1861.

(5) John Farrelly’s ... Cloneymore. Saturday 19th October, 1861.

(6) Mr. Johannes Farrelly, Baltimoria. Jullii nonis, MDCCCLXXIII—

Ceanglaíonn Ó Lochlainn (1942: 134) ‘Baltimoria’ le Baltimore, Maryland. Fágann sé sin go raibh Seághan i Meiriceá faoin 9 Iúil 1873.

<sup>3968</sup> Féach nóta 3967.

Ghairdinéir, Baile Átha Cliath.<sup>3969</sup> Tugtar, trí dhearmad, ‘John O Farrell’ air ar an teastas; ‘teacher’ a bhí ann, agus ba stíobhard é a athair ‘Nicholas O Farrell—Dead’. Iníon le James O Flynn ab ea í a bhean Mary Anne. Ba i rith na mblianta ina dhiaidh seo a scríobh sé formhór na lámhscríbhinní atá againn uaidh. Is é an fáth ar féidir linn a áiteamh go raibh sé ar ais in Éirinn faoin mbliain 1879 gur scríobh sé cuid den lámhscríbhinn is sine dá chuid atá againn do lucht an Acadaimh sa bhliain sin. Ghraf sé cnuasach de dhánta Uilliam Uí Chaithiosa idir na blianta 1880 agus 1888; is dóigh gur dó féin a chóipeáil sé iad, toisc a fhad a bhí sé á gcur le chéile. Is féidir go bhfuil roinnt lámhscríbhinní dá chuid i leabharlanna nach bhfuil cláraithe go fóill toisc nach n-áirítear mar ‘lámhscríbhinní cearta Gaeilge’ iad, agus tá údar maith leis sin, ar bhealach.

Fágadh an tAcadamh gan scríobhaí nuair a cailleadh Seosamh Ó Longáin sa bhliain 1880, agus dhealródh sé gur bheag duine a bhí sásta an cúram a ghlacadh, ní nach ionadh nuair a chuimhnítear ar an sciolladh a fuair Seosamh Ó Longáin in earr a aoise ó Whitley Stokes, mar gheall ar dhearmadtaí beaga ina chuid oibre. Leis an gcuntas seo a dhéanamh cuimsitheach, ba cheart, i measc nithe eile, dul trí mhiontuairiscí an Acadaimh, áit a mbeadh taifead ar an gceapachán, cúram a fhágtar ar dhuine eile anseo. Taobh amuigh den bhliain 1879 a bheith luaite i lámhscríbhinn amháin dár ghraf sé do lucht an Acadaimh,<sup>3970</sup> is sa bhliain 1884 a thosaíonn sé a dhéanamh obair chóipeála dóibh ar bhonn leanúnach. Ghraf sé ARÉ 12Q8 (848) sa bhliain sin, sraith cóipeanna as CT H.3.15 (1334), agus is dóigh gurbh é an cúram a cuireadh air sleachta inspéise as lámhscríbhinní i gColáiste na Tríonóide a ghráfadh le go mbeidís ar fáil san Acadamh.

---

<sup>3969</sup> Cláraíodh an teastas (*OAC*, Cláruimhir: 2505367) ar an 18 Meitheamh 1889.

<sup>3970</sup> ARÉ 12Q3 (843).

Thug sé aghaidh ar chodanna de *Leabhar Buí Leacain* a athscríobh idir na blianta 1885 agus 1886, agus cuireadh ag obair é ar shleachta a chóipeáil as ceithre lámhscríbhinn mheamraim eile a bhí ar coimeád sa Choláiste fosta sa bhliain 1886. B’in an cineál oibre a bhí ar siúl aige suas go dtí deireadh na bliana 1892.<sup>3971</sup> Níl againn ach lámhscríbhinn amháin a ghraf sé dó féin le linn na mblianta sin, COC B[8] (111), cóip de ‘Trompa na bhFlaitheas’ a bhfuair sé a hábhar i lámhscríbhinn Mhuimhneach.<sup>3972</sup> Ba idir na blianta 1890 agus 1891 a rinneadh an scríobh, agus ligean an plé a rinne O’Rahilly (1955) ar obair Sheághain dúinn tuairim éigin a fháil ar an gcineál cóipeálaí a bhí ann, nuair a bhí sé ag obair as a stuaim féin, is dóigh,

Seághan ua Fearchallaigh’s transcript gives the impression of having been tidied-up and ‘corrected’ by some grammatical purist: *nach* eclipsing replaces *ná* (sometimes even before the imperative!), the ‘correct’ gen. pl. forms of nouns and adjectives are substituted for the nom. pl. forms of the other manuscripts, the dative plural is rigorously used after prepositions,

<sup>3971</sup> Is fiú liosta de na lámhscríbhinní a bhí á scríobh aige le linn na mblianta sin, agus na foinsí ar baineadh úsáid astu lena scríobh, a chur síos,

1884 ARÉ 12Q8 (848) as CT H.3.15 (1334).

1885 ARÉ 12Q10 (850) as *Leabhar Buí Leacain* .i. CT H.2.16 (1318).

1886 ARÉ 12Q5 (845) as CT H.2.15a (1316), CT H.2.15b (1317), agus CT H.2.17 (1319); ARÉ 12Q10 (850)—féach 1885; ARÉ 12Q11 (851) as CT H.3.18 (1337).

1887 ARÉ 12Q3 (843) as CT H.2.7 (1298), CT H.1.1 (1278), CT H.2.8 (1299), agus clár ábhair CT H.2.4 (1295); ARÉ 12Q5 (845)—féach 1886; ARÉ 12Q6 (846) as CT H.2.17 (1319) [ar leanúint ó ARÉ 12Q5 (845)].

1888 ARÉ 12Q3 (843)—féach 1887; ARÉ 12Q10 (850) as CT H.3.19 (1340).

1889 ARÉ 12Q3 (843)—féach 1887; ARÉ 12Q7 (847) as CT H.3.14 (1333); ARÉ 12Q8 (848) as CT H.4.16 (1357); ARÉ 12Q10 (850)—féach 1888.

1890 ARÉ 12Q3 (843)—féach 1887; ARÉ 12Q4 (844) as CT H.2.13 (1315); ARÉ 12Q7 (847) as CT H.3.2 (1321); COC B[8] (111) as lámhscríbhinn le Tomás Ó Conchubhair [dó féin].

1891 ARÉ 12Q4 (844)—féach 1890; ARÉ 12Q9 (849), liosta údar as ‘Foras Feasa’; COC B[8] (111)—féach 1890.

1892 ARÉ 12Q1i (838) as CT E.3.30 (1435); ARÉ 12Q9 (849) as *Leabhar Buí Leacain* .i. CT H.2.16 (1318), CT H.4.13 (1354), CT H.5.26 (1397), agus CT F.3.21 (1439).

<sup>3972</sup> Deir O’Rahilly (1955: xxviii) faoin lámhscríbhinn, COC B[8] (111): ‘... It was made by a man who has been called “The Last Irish Scribe,” a native of Rathmore, Co. Westmeath, who continued his work ... until his death at the age of 80 ... According to a letter from the scribe to Torna, dated 20.5.1925, affixed to the beginning of the manuscript, Seághan ua Faircheallaigh sold this transcript of 341 pages at a price of a shilling a page (“*Beidh mé ag iarraidh sgilling gach leathanach tríd agus tríd ar an iomlán*”). The transcript, which is written on a ruled school exercise-book, was made by Seághan ua Faircheallaigh from a copy written by Tomás Ó Conchubhair in Tipperary ... in 1843 ...’

imperatives in *-ígí* and *-ígi* are uniformly *-idh*, *-ighidh*, etc. Such emendations must be attributed to ... Seághan ua Faircheallaigh.<sup>3973</sup>

Is dóigh go raibh cnuasach beag lámhscríbhinní á chur le chéile ag Seághan, cé gur doiligh mórán acu a aithint anois. Cheannaigh Séamus Ó Casaide trí lámhscríbhinn dá chuid ar an 29 Samhain 1927. Tá na trí lámhscríbhinn seo, LN G348, LN G380, agus LN G413,<sup>3974</sup> i gcnuasach Shéamuis Uí Chasaide sa Leabharlann Náisiúnta anois, agus is luachmhar an lámhscríbhinn í LN G380, an leagan leasaithe d'fhoclóir Mhic Cruitín a rinne an tOir. Uilliam Mac Néill sa bhliain 1798, agus an t-aon lámhscríbhinn Ghaeilge atá againn ó pheann an scoláire sin. An dara lámhscríbhinn, LN G413, is éard atá ann, nótaí sanasaíochta, giotaí Gaeilge agus ceoil a scríobh Seághan sna blianta 1875, 1888 agus 1890—tugann sé liosta dúinn de mhic léinn a theagasc sé idir na blianta 1880 agus 1882 ag deireadh na lámhscríbhinne. Sraith cóipeanna as an *Leabhar Branach* atá in LN G348, agus is féidir gurbh ag an am céanna a fuair Séamus Ó Casaide LN G340, leabhar coiteann eile de chuid Sheághain Uí Fhaircheallaigh. B'fhéidir gur dhíol sé cuid mhaith eile acu sula bhfuair sé bás.

Chaith sé cuid mhaith den bhliain 1893 ina scríobhaí don Oir. Maxwell Close, a bhí ag iarraidh eagrán de thráchtas réalteolaíochta a fhoilsiú, ach iarradh air fosta aistriúchán Béarla den tráchtas a réiteach den chéad uair, ní a d'éiligh cumas sa teanga liteartha nach mbeadh ag gnáthscríobhaí de chuid a linne. Tá an tráchtas ar fáil i dtrí lámhscríbhinn mheamraim, ARÉ B.ii.1 (1216), ARÉ 23F13 (1217), agus LEM Z2.2.1, a scríobhadh uilig idir an 14ú hAois agus an 15ú hAois. Scrúdaíodh na trí lámhscríbhinn sin mar chuid den obair, mar is follas ó thagairtí éagsúla sna

---

<sup>3973</sup> O'Rahilly (1955: xxix).

<sup>3974</sup> Féach na nótaí a scríobh Séamus Ó Casaide isteach sna lámhscríbhinní; tugtar cóipeanna díobh san *N.L.I. Cat.*, viii, 31; ix, 10, 58.

cóipeanna, agus, i gcás ARÉ 23F13 (1217), sa lámhscríbhinn féin. Ba é an chéad tasc a tugadh do Sheághan, dealraíonn sé, cóip ghlan a dhéanamh dá raibh sa lámhscríbhinn, gan baint de ná oiread agus litir a chur leis. Léiríonn an chuid eile de na lámhscríbhinní, a bronnadh ar an Acadamh sa bhliain 1903, gur mhó an lámh a bhí aige sa saothar ná mar a bheifí ag súil leis, ar scáth an chineáil oibre a bhí á dhéanamh aige go dtí sin.<sup>3975</sup> Tá an chuma ar na lámhscríbhinní a tháinig slán gur toghadh ARÉ B.ii.1 (1216) mar bhuntobar, agus gurbh é an chéad chúram eile a fágadh ar Sheághan, i ndiaidh dó an chóip ghlan a scríobh, cóip eile a scríobh, agus na noda is giorrúcháin scaoilte inti. Is féidir gurbh é Close a rinne formhór na hoibre seo, nó go ndearna Seághan í faoina shúil, ach is dóigh gur thit cuid mhaith den tríú céim ar Sheághan a bheag nó a mhór—aistriúchán Béarla a chur ar fáil, agus is dóigh gur tuigeadh do lucht an Acadaimh gurbh é Seághan a rinne cuid den obair seo, mar a fheicfead ar ball. Ullmhaíodh clóscript ina dhiaidh sin, agus dhearaigh Seághan uirthi na léaráidí atá sna lámhscríbhinní. Rinneadh an obair chéanna leis an leagan eile atá i Leabharlann Marsh, ach is dóigh nár tugadh an saothar uilig chun slachta riamh. An bhliain chéanna, bhí CT E.4.1 (1436) á cóipeáil aige don Acadamh,<sup>3976</sup> agus cibé acu ba mhar gheall ar an obair aistriúcháin a bhí Seághan tar éis a dhéanamh do Maxwell Close nó nár bh ea, ba é an chéad phíos a tugadh dó ar chríochnú na cóipe sin dó sa bhliain 1894, aistriúchán Béarla a sholáthar ar a raibh in CT E.4.1 (1436). Cé gur chaith sé seal sa bhliain 1894 ag cóipeáil codanna de CT H.3.4 (1323) agus CT H.3.22 (1343), ba é an t-aistriúchán úd an rud ba mhó a bhí

---

<sup>3975</sup> Grafadh na lámhscríbhinní agus clóscripteanna uilig atá ar eolas agam sa bhliain 1893 don Oir. Maxwell Close, agus ba eisean a bhronn iad ar Acadamh Ríoga na hÉireann agus Leabharlann an Ard-Easpaig Marsh san 20ú hAois. Is é rud atá in ARÉ 3A7 (852), cóip ghlan litir ar litir dá bhfuil in ARÉ B.ii.1 (1216); is cóip eile í ARÉ 3A10 (855), agus na noda agus giorrúcháin scaoilte ag Seághan inti. Tá aistriúchán Sheághain in ARÉ 3A8 (853), agus is clóscríbhinn í ARÉ 3A9 (854) inar dhearaigh Seághan na léaráidí. Tras-scríobh agus clóscript d'aistriúchán Béarla í LEM Z2.2.2, agus Seághan ag tarraingt ar leagan LEM Z2.2.1 an uair sin. Dhealródh gur bronnadh an lámhscríbhinn seo ar Leabharlann an Ard-Easpaig Marsh dá bharr sin, agus tá eagrán arna bhunú ar na trí lámhscríbhinn mheamraim in Power (1914).

<sup>3976</sup> ARÉ 12Q2i (840), tras-scríobh de CT E.4.1 (1436), a scríobhadh idir na blianta 1893 agus 1894.

idir lámha aige, agus chuaigh sé i bhfad. Níor cuireadh i gcrích é go dtí an bhliain 1897.<sup>3977</sup> Scríobh sé cúpla giota [? dó féin] ar chártaí i lár na bliana 1895, sleachta, srl., as *Leabhar Buí Leacain*, agus cóip den ‘Fáeth Fíada’; bhí sé ag cur faoi sa Bhaile Bocht ar an 3 Iúil 1895 nuair a scríobh sé giota amháin, agus faigheann muid seoladh cruinn ar chárta eile—45 Baile Bocht, ar an 24 Meán Fómhair 1895.<sup>3978</sup> Cúpla ráithe tar éis dó an obair a chur i gcrích san Acadamh sa bhliain 1897, cuireadh scairt air teacht ar ais agus aistriúchán a sholáthar ar an lámhscríbhinn sin a bhí á hathscríobh aige don Acadamh sa bhliain 1892, CT E.3.30 (1435), ní a bhí déanta aige roimh dheireadh na bliana 1899.

Nuair a rinneadh *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, bhí Seághan agus Mary Anne ina gcónaí in 45 Baile Bocht, iad agus athair Mary Anne, James O’Flynn; a deartháir, Thomas O’Flynn; agus a deirfiúr, Margaret O’Flynn, in aontíos leo. Dhéanadh James O’Flynn carbaid a pheinteáil; ba as Droichead Átha dó ó dhúchas, cé gur rugadh Mary Anne san ardchathair. Bhí sí 31 bhliain d’aois in 1901, más ceart an aois a thugtar ar an daonáireamh. Tugann Seághan ‘John J. O’Farrelly’ air féin, agus deir sé linn go raibh sé 56 bliana d’aois, agus gur ‘Irish Language Scribe, Teacher in Irish, English, Greek, Latin and French’ é—níor dhearmad d’Ó Casaide a áiteamh go bhfuair sé oiliúint chlasaiceach le linn a óige.

Sin deireadh, a bheag nó a mhór, leis an tréimhse a chaith sé ina scríobhaí san Acadamh, cé gur iarradh air teacht ar ais le cuid de lámhscríbhinní Close a chlárú sa

---

<sup>3977</sup> Tá an chuid is mó den aistriúchán in ARÉ 12Q2ii (841), agus dátaí idir 1894 agus 1896 air. Cuireadh an chuid eile faoi cheangal mar lámhscríbhinn eile, ARÉ 12Q2iii (842), agus an bhliain 1897 ar an gcuid seo mar dháta scríofa.

<sup>3978</sup> Ceithre chárta atá ann ó cheart, agus iad faoi cheangal mar LN G690. Scríobhadh an dáta 3 Iúil 1895, agus an seoladh ‘Baile Bocht’, ar chárta 3; agus ‘45 Baile Bhocht’ ar an 24 Meán Fómhair 1895 ar chárta 2.

bhliain 1903, an bhliain ar bronnadh ar an Acadamh iad.<sup>3979</sup> Ba é Seághan a scríobh cuid mhaith díobh sna 1890í.<sup>3980</sup> Agus is fiú cuimhneamh air go luann Ó Casaide (1928*b*) san fhógra báis gur chaith Seághan cuid mhaith ama ina scríobhaí i gColáiste na Trionóide. Is é fírinne an scéil nach bhfuil aon leid sa chnuasach lámhscríbhinní atá ann gur fostaíodh ann riamh é, agus is dóigh go n-eascraíonn tuairim Shéamuis Uí Chasaide ó na blianta (1884-1899) a chaith Seághan i leabharlann Choláiste na Trionóide ag cóipeáil lámhscríbhinní don Acadamh. Bhí sé ag obair ar ábhar a chóipeáil ó lámhscríbhinní de chuid Cho. Lú agus Cho. na Mí d'Énri Ó Muirgheasa sa bhliain 1909,<sup>3981</sup> agus ní heol dom go bhfuil lámhscríbhinn Ghaeilge ar bith againn faoi láthair a ghráf sé i ndiaidh na bliana sin. Rinne sé cnuasach dánta le filí dar shloinne Ó Dálaigh,<sup>3982</sup> do phátrún éigin, glacaim leis, ní a tharla i gcnuasach an Acadaimh ar dhóigh nach fios dom.

Má bhí teach measartha maith ag muintir Fhearcheallaigh agus Fhloinn sa bhliain 1901, dhealródh sé gur mhiste iad Seághan agus a bhean na deich mbliana a lean sin, óir bhí seomra amháin ar lóistín acu ag 3 Plás Mhuinseo sa bhliain 1911. Tionóntán seacht seomra a bhí ann, agus teaghlach ar leith ag cur fúthu i ngach ceann de na seomraí sin.<sup>3983</sup> Chinn Seághan ar chuid mhaith den fhoirm a líonadh i nGaeilge, agus tugann sé le fios go raibh sa seomra leo Eilín Ní hAodha, ‘inghean deirbhshiúr mo mhna chéile’, a bhí trí bliana d’aois, agus tús curtha aici, dhealródh sé, leis an nGaeilge a fhoghlaim. ‘Múinteoir 7 scribhnidhe Gaeidhilge’ ab ea é Seághan, agus

---

<sup>3979</sup> Féach an t-ábhar óna lámh dar dáta 1903 atá in dhá sheanlámhscríbhinn de chuid chnuasach Close, ARÉ 3B31 (641), agus ARÉ 3A13 (834), *R.I.A. Cat.*, 2004, 2562.

<sup>3980</sup> Sin na ceithre lámhscríbhinn a ghráf sé dó in 1893, na lámhscríbhinní a luadh i nóta 3975 thuas.

<sup>3981</sup> Scríobh sé COBÁC MA8 as ARÉ 3B39 (250), ARÉ 3B38 (251), ARÉ 12E24 (907), ARÉ 12E25 (908), agus ARÉ 3C4i (1018) sa bhliain 1909; agus COBÁC MA9 as ARÉ 23E12 (769) sa bhliain chéanna. Tugtar nóta ar an dá lámhscríbhinn seo san *Hayes Supp.* 532 col. b.

<sup>3982</sup> ARÉ 12B<sup>1</sup>20(1) (1085). Dhá lámhscríbhinn ar leith gan dáta.

<sup>3983</sup> B'fhéidir go gcuirfeadh sé iontas ar an léitheoir a bhoichte a bhí Seághan, scoláire maith clúiteach Gaeilge lena ré, go raibh sé féin agus a bhean ina gcónaí i dtionóntán agus an Athbheochan faoi lán seoil; ar an taobh eile den scéal, níorbh iad na tithe ba mheasa sa chathair iad. Bhí 30 duine ina gcónaí sa teach. Bhí muintir Fhloinn ag cur fúthu ag 6 Plás Gloucester, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1911.



gan ‘leanbh eir bith’ aige ná ag Mary Anne. D’aistrigh an teaghlach go Cnoc an tSamhraidh ina dhiaidh sin, mar ar chaith sé na blianta deiridh dá shaol, agus é ag obair ar pháipéir stairiúla i gCill Iníon Léinín. Ní heol dom go bhfuil ach lámhscríbhinn amháin againn a bhaineann go díreach le hábhar Gaeilge óna láimh don tréimhse deiridh seo, LN G564. Cóip í d’aistriúchán Bhriain Uí Luana (1872) ar ‘Táin Bó Cuailnge’, agus chuir Seághan í i gcrích do Richard Shaw sa bhliain 1912. D’fhostaigh Richard Shaw é le cóip a dhéanamh de Litreacha Suirbhéireachta Cho. na hIarmhí sa bhliain 1905, ach ní fios cá bhfuil sí.<sup>3984</sup> Dhealródh sé nárbh éasca do Sheághan teacht ar phátrúin san 20ú hAois. Is dóigh go dtuigfear as sin an fáth a raibh sé ag súil le luach a shaothair nuair a thairg sé do Thorna COC B[8] (111) a dhíol leis sa bhliain 1925.<sup>3985</sup>

Cailleadh é, mar a scríobh Séamus Ó Casaide, ar an 11 Samhain 1927; chláraigh a bhean a theastas báis ar an 16 Samhain 1927. Deirtear ar an teastas sin go raibh sí i láthair ag an mbás, a tharla agus iad ar a mbealach chuig an Mater.<sup>3986</sup> Ba in 60 Cnoc an tSamhraidh a bhí cónaí orthu an uair sin. Taom croí ba chúis lena bhás, cé nár deimhníodh sin. Tar éis do Sheághan bás a fháil, is doiligh eolas a sholáthar faoi Mary Anne, ach amháin gur dhíol sí cnuasach lámhscríbhinní Sheághain, nó cuid de, sa mhí ar éag Seághan, agus gur cailleadh í sa teach sin, in aois a 82 bliain, ar an 18 Deireadh Fómhair 1952.<sup>3987</sup> Bhí neacht léi, Josephine Vance, i láthair ar uair a báis.

---

<sup>3984</sup> Bhí na litreacha (cóipeanna Richard Shaw) ag an Ath. Pól Breathnach thart faoin mbliain 1918. Féach Walsh (1933: 4).

<sup>3985</sup> Féach nóta 3972 thuas.

<sup>3986</sup> Tugtar John Joseph O’Farrelly air ar an teastas (Clárúimhir: 1661910); ba dhóigh le Mary Anne, agus í ag tabhairt sonraí ina thaobh, go raibh sé 70 bliain d’aois. Bhí sé 82 bhliain d’aois an uair sin. Tugtar ‘on way to Mater Hospital’ mar ionad báis. B’fhéidir gurbh é an t-aon duine amháin in Éirinn riamh ar tugadh ‘Scribe’ mar shlí bheatha dó ar a theastas báis. Agus an tagairt sin do Mary a bheith i láthair ag an mbás, is féidir go ndúirt sí sin díreach le go nglacfaí lena cuid faisnéise. Níorbh annamh sin sna seanlaethanta, ar ndóigh.

<sup>3987</sup> De réir an teastais bháis (OAC, Clárúimhir: 1954805). ‘House Duties’ ba ghairm di.

## **Leabharliosta agus Foinsí**

1. Leabhair, Ailt, Tráchtais Neamhfhoilsithe
2. Lámhscríbhinní Gaeilge
3. Páipéir Nuachta
4. Ábhar Cartlainne agus Ábhar Príomha Neamhfhoilsithe

### **1. Leabhair, Ailt, Tráchtais Neamhfhoilsithe**

Abbott, T. K. 1900. *Catalogue of the Manuscripts in the Library of Trinity College, Dublin, to which is Added a List of the Fagel Collection of Maps in the Same Library*. Dublin: Hodges, Figgis, & Co., Ltd.

Abbott, T. K. & E. J. Gwynn. 1921. *Catalogue of the Irish Manuscripts in the Library of Trinity College, Dublin*. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Aidhleart, Risteárd. 1928 (Bealtaine – Meitheamh). ‘An Irish MS. in St. Kieran’s College, Kilkenny’, *The Irish Book Lover* 16(3), 50-1.

Akerman, John Yonge. 1851. *Moneys Received and Paid for Secret Services of Charles II. and James II. from 30<sup>th</sup> March, 1679, to 25<sup>th</sup> December, 1688*. London: Camden Society.

An Craobhín, An Craoibhín → de hÍde, Dubhglas.

Anon. 1810 (Eanáir). ‘A Biographical Sketch of the Rev. Paul O’Brien, Professor of the Irish Language at Maynooth’, *The Irish Magazine or Monthly Asylum for Neglected Biography for January* 1810, 30-2. [Dublin: Walter Cox].

Anon. 1837. *The Exhibition of the Liverpool Academy at the New Exhibition Rooms, Post Office Place* 13. Liverpool: Thomas Kaye.

Anon. 1850-3. ‘Exhibition of an Original Letter, Dated Armagh, October 19, 1680, from George Codan, a Franciscan Friar, Addressed to the Duke of Ormond’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 5, 71-75.

Anon. 1858. ‘Proceedings and Papers’, *The Journal of the Kilkenny and South-East of Ireland Archaeological Society* 2(1), 33-48.

Anon. (‘Abhba’). 1876 (Eanáir – Meitheamh). ‘The Nuttall Family’, *Notes and Queries*, Sraith 5, 120, 308.

Anon. 1901 (Bealtaine). ‘Áluinn Dún Mhic Mhuire’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 11(128), 88-90.

Anon. 1901a (Samhain). ‘Beannacht Bóinne’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 11(134), 186-7.

Anon. 1905 (Meitheamh). *Léirmheas ar*: ‘Greann na Gaedhilge: An Ceathramhadh Cuid’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(177), 819.

Anon. (‘Biblio’). 1909 (Nollaig). ‘Printing in Trim’, *The Irish Book Lover* 1(5), 63.

Anon. 1911 (Márta). ‘St. Patrick’s Day in Maynooth in 1814’, *The Irish Monthly* 39(453), 170-3.

Anon. 1912. 'Report on the State of Popery, Ireland, 1731', *Archivium Hibernicum* 1, 10-27.

Anon. 1915. 'Report on the State of Popery in Ireland, 1731: Diocese of Dublin', *Archivium Hibernicum* 4, 131-77.

Anon. 1934 (Eanáir – Feabhra). 'A List of the Brownlow Irish MSS.', *The Irish Book Lover* 22(1), 18.

Anon. 1955 (Eanáir). 'Crossly', *The Irish Book Lover* 32(4), 93.

Anon. 1970. 'Chronicle for 1968 and 1969', *Seanchas Ard Mhacha* 5(2), 429-59.

Archer O'Brien, J. H. 1885 (Eanáir – Meitheamh). 'Lynegar', *Notes and Queries*, Sraith 6, 11, 96.

Arthurs, J. B. 1950. 'An Appeal for the Preservation of Ulster Gaelic MSS.', *Ulster Journal of Archaeology*, Sraith III, 13, 106-7.

Ball Wright, William. 1908. *Ball Family Records: Genealogical Memoirs of Some Ball Families of Great Britain, Ireland, and America*. York: William Ball Wright.

Beckett, Colm. 1967. *Fealsúnacht Aodha Mhic Dhomhnaill*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 13].

Beckett, Colm. 1987. *Aodh Mac Domhnaill: Dánta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta.

Best, Richard Irvine. 1904. 'The Leabhar Oiris', *Ériu* 1, 74-112.

Bewley, Edmund T. 1905. 'Notes on an Old Pedigree of the O'More Family of Leix', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 35(1), 53-9.

- Bigger, Francis Joseph. 1902 (Iúil). ‘Merchants in the High Street of Belfast at the Beginning of the Nineteenth Century (Continued)’, *Ulster Journal of Archaeology*, Sraith II, 8(3), 138-142.
- Bigger, Francis Joseph. 1921 (Nollaig). ‘Samuel Bryson: A Belfast Gaelic Scholar’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 5(1), 61-2.
- Binchy, D. A. 1938. ‘Bretha Crólige’, *Ériu* 12, 1-77.
- Binchy, D. A. 1966. ‘Bretha Déin Chécht’, *Ériu* 20, 1-66.
- Blaney, Roger. 1996. *Presbyterians and the Irish Language*. Belfast: Ulster Historical Foundation & Ultach Trust.
- [Brady, John]. 1953. ‘Catholics and Catholicism in the Eighteenth-Century Press’, *Archivium Hibernicum* 17, 113-76.
- Brady, John. 1959. ‘Irish Interpreters at Meath Assizes’, *Ríocht na Midhe* 2(1), 62-3.
- Brady, John. 1959a. ‘Remedies Proposed for the Church of Ireland (1697)’, *Archivium Hibernicum* 22, 163-73.
- Brady, John. 1960. ‘Some Kilmore Clergy of the 17th and 18th Centuries’, *Breifne* 1(3), 215-24.
- Breathnach, Diarmuid & Máire Ní Mhurchú. 1986. 1882-1982: *Beathaisnéis a hAon*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 49].
- Breathnach, Diarmuid & Máire Ní Mhurchú. 1994. 1882-1982: *Beathaisnéis a Ceathair*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 79].

Breathnach, Pól. 1931 (Eanáir – Feabhra). ‘The Rival Confederate Generals’, *The Irish Book Lover* 19(1), 5-8.

Breathnach, Pól. 1931a (Samhain – Nollaig). ‘Memoranda Gadelica’, *The Irish Book Lover* 19(6), 166-71.

Breathnach, Pól. 1932 (Eanáir – Feabhra). ‘Walter Luin cct.’, *The Irish Book Lover* 20(1), 12.

Breathnach, Pól. 1932a (Márta – Aibreán). ‘Irish MS. Egerton 208’, *The Irish Book Lover* 20(2), 42.

Breathnach, Pól. 1932b (Iúil – Lúnasa). ‘Notes on Two Mageoghegans’, *The Irish Book Lover* 20(4), 75-81.

Breathnach, Pól. 1932c (Samhain – Nollaig). ‘Obits of Members of the O Reilly Family’, *The Irish Book Lover* 20(6), 127-31.

Breathnach, Pól. 1933 (Eanáir – Feabhra). *Léirmheas ar*: ‘The Irish Language in Belfast and County Down. A.D. 1601-1850’, *The Irish Book Lover* 21(1), 23-4.

Breathnach, Pól. 1933a (Márta – Aibreán). ‘A Link with Tadhg Dall’, *The Irish Book Lover* 21(2), 33-5.

Breathnach, Pól. 1934 (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Paul Higgins’, *The Irish Book Lover* 22(5), 118.

Breathnach, Pól. 1934a (Samhain – Nollaig). ‘O’Clery Descendants’, *The Irish Book Lover* 22(6), 128-31.

Breathnach, Pól. 1935 (Eanáir – Feabhra). ‘Short Annals of Fir Manach’, *The Irish Book Lover* 23(1), 7-10.

Breathnach, Pól. 1935a (Márta – Aibreán). ‘How the Bissets Came’, *The Irish Book Lover* 23(2), 36-9.

Breathnach, Pól. 1935b (Bealtaine – Meitheamh). ‘What We Know of Cuchoigríche O Cléirigh’, *The Irish Book Lover* 23(3), 60-6.

Breathnach, Pól. 1936a (Bealtaine – Meitheamh). ‘Short Annals of Leinster’, *The Irish Book Lover* 24(3), 58-60.

Breathnach, Pól. 1937 (Bealtaine – Meitheamh). ‘Gaelic Genealogies of the Plunkets’, *The Irish Book Lover* 25(3), 50-7.

B[reathnach], P[ól]. 1938 (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Do Líonadh mBáin Oile’, *The Irish Book Lover* 26(2), 29.

Breathnach, Pól. 1940 (Eanáir). ‘The Maguires and Irish Learning’, *The Irish Book Lover* 27(1), 146-9.

Breathnach, Pól. 1940a (Bealtaine). ‘Crickstown, Co. Meath’, *The Irish Book Lover* 27(3), 206-7.

Breathnach, Pól. 1957 [1943]. *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill as Leabhar Lughaidh Uí Chléirigh / The Life of Aodh Ruadh O Domhnaill Transcribed from the Book of Lughaidh Ó Cléirigh*. Dublin: Irish Texts Society. [Irish Texts Society 45].

Breathnach, R. A. 1940b. ‘The Earliest Version of Eibhlín a Rúin’, *Éigse* 2, 208-12.

Breatnach, Caoimhín. 1990. ‘The Early Modern Version of *Scéla Mucce Meic Dá Thó—Tempus, Locus, Persona et Causa Scribendi*’, *Ériu* 41, 37-60.

Breatnach, Liam. 1994. ‘An Mheán-Ghaeilge’ in McCone, Kim, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams & Liam Breatnach (*eagí*), *Stair na Gaeilge in*

*Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*, 221-333. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.

Breatnach, Pádraig A. 1986. 'Une Poème d'Écho en Irlandais Moderne', *Revue Celtique* 23, 157-62.

Breatnach, Pádraig A. 1989. 'Roinnt Amhrán ar Comhfhoirm ón Seachtú hAois Déag', *Éigse* 23, 67-79.

Breatnach, Pádraig A. 1996. 'The Methodology of Seanchas: The Redaction by Cú Choigríche Ó Cléirigh of the Chronicle Poem *Leanam Croinic Clann nDálaigh*', *Éigse* 29, 1-18.

B[reatnach], P[ádraig] A. 2010. 'Approbationes', *Éigse* 37, 58.

Breatnach, Pádraig A. 2010a. 'On the Ó Cléirigh Recension of Leabhar Gabhála', *Éigse* 37, 1-57.

Breatnach, Pádraig A. 2013. *The Four Masters and Their Manuscripts: Studies in Palaeography and Text*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Breatnach, R. A. 1961. 'The End of a Tradition: A Survey of Eighteenth Century Gaelic Literature', *Studia Hibernica* 1, 128-50.

Brooke, [Charlotte]. 1789. *Reliques of Irish Poetry: Consisting of Heroic Poems, Odes, Elegies, and Songs, Translated into English Verse: With Notes Explanatory and Historical; and the Originals in the Irish Character. To Which is Subjoined an Irish Tale*. Dublin: George Bonham.



Bruford, Alan. 1969. *Gaelic Folk-Tales and Mediæval Romances: A Study of the Early Modern Irish "Romantic Tales" and Their Oral Derivatives*. Dublin: The Folklore of Ireland Society.

Burke, Bernard. 1879.<sup>6</sup> *A Genealogical and Heraldic History of the Landed Gentry of Great Britain & Ireland*, Iml. 1. London: Harrison.

Burke, William P. 1914. *Irish Priests in Penal Times (1660-1760): From the State Papers in H. M. Record Offices, Dublin and London, the Bodleian Library, and the British Museum*. Waterford: William Burke.

Byrne, Mary E. 1928. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 3. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Cameron, Alexander. 1894. *Reliquiae Celticae: Texts, Papers and Studies in Gaelic Literature and Philology, Left by the Late Alexander Cameron*, Iml. 2. Inverness: The Northern Counties Newspaper and Printing and Publishing Company, Ltd.

Campbell, J. L. 1960. 'The Tour of Edward Lhuyd in Ireland in 1699 and 1700', *Celtica* 5, 218-28.

Campbell, J. L., Myles Dillon, A. Martin Freeman, Patrick Moran, H. Morris, Tomás Ó Cléirigh, Shán Ó Cuív, Colm Ó Lochlainn, Tomás Ó Muirheartaigh & Éamonn Ó Tuathail. 1939. 'Ceartúchán agus Tuille Eólais', *Éigse* 1, 305-9.

Campbell, Patrick J. 1992. 'The Franciscan Petition Lists: Diocese of Armagh 1670-71', *Seanchas Ard Mhacha* 15(1), 186-216.

Carleton, William. 1996. *William Carleton: The Autobiography*. Belfast: White Row Press.

- Carney, James. 1946. 'De Scriptoribus Hibernicis', *Celtica* 1(1), 86-110.
- Carney, James. 1950. *Poems on the O'Reillys*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Carney, James. 1959. *A Genealogical History of the O'Reillys*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Carney, James. 1982-3. 'The Dating of Early Irish Verse Texts 500-1100', *Éigse* 19, 177-216.
- Carpenter, Andrew. 2000 (Deireadh Fómhair). 'A Collection of Verse Presented to James Butler, First Duke of Ormonde', *The Yale University Library Gazette* 75(1-2), 64-70.
- Carroll, F. 1953 (Iúil). 'Captain Charles Linegar, Professor of the Irish Language', *The Irish Book Lover* 32(2), 42.
- Carville, Gary. 2011. *On the Way: The Journey of the People of Muckno*. Muckno: Muckno Parish Pastoral Team.
- Céitinn, Séamas. 1979. *Art Bennett and His Poetry*. s.l.: Éigse Oiriaila.
- Céitinn, Séamas. 1998. 'Boinn an Athar Maitiú agus a Chuirteanna ar an Iúr agus ar an Phointe, 1841', *Seanchas Ard Mhacha* 17(2), 99-108.
- Chauvet, Pierre. 1964. 'A Maguire Family in France', *Clogher Record* 5(2), 222-6.
- "Clann Maolughra." 1915. *Léirmheas ar: Céad de Cheoltaibh Uladh*, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 3(4), 397-9.

Cogan, A. 1862. *The Diocese of Meath, Ancient and Modern*, Iml. 1. Dublin: John F. Fowler.

Cogan, A. 1867. *The Diocese of Meath, Ancient and Modern*, Iml. 2. Dublin: Joseph Dollard.

Cogan, A. 1870. *The Diocese of Meath, Ancient and Modern*, Iml. 3. Dublin: Joseph Dollard.

Coimín, Dáithí. 1895 (Deireadh Fómhair). ‘Gaelic Literary Studies by David Comyn: *Unpublished Poems of Peadar Ua Doirnín*’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 6(7), 101-6.

Coimín, Dáithí. 1895a (Samhain). ‘Gaelic Literary Studies by David Comyn: *Unpublished Poems of Peadar Ua Doirnín [II]*’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 6(8), 120-3.

Coleman, Ambrose. 1902. *The Irish Dominicans of the Seventeenth Century by Father John O’Heyne, O.P. First Published at Louvain in 1706. Reprinted with an English Translation, and an Appendix Containing Historical Sketches of all the Ancient Dominican Foundations in Ireland*. Dundalk: William Tempest.

Comyn, David. 1902. *Forus Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn D.D. An Céid-Imleabhar i n-a bhFuil an Díonbhrollach agus Céid-Leabhar na Stáire / The History of Ireland by Geoffrey Keating D.D. Volume I Containing the Introduction and the First Book of the History*. London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society, 4].

Coogan Ward, Catherine & Robert E. Ward. 1980. *The Letters of Charles O’Conor of Belanagare*, Iml. 2. Ann Arbor: University Microfilms International.

Cooney, Declan. 2014. ‘Peter Gallegan 1793-1860: Schoolmaster, Collector and Scribe’, *Breifne* 13(49), 363-87.

Corrigan, Wm. 1912. 'Catholic Episcopal Wills in the Public Record Office, Dublin, 1683-1812', *Archivium Hibernicum* 1, 148-200.

[Corrigan, Wm.]. 'Catholic Episcopal Wills (Province of Dublin)', *Archivium Hibernicum* 4, 66-95.

Corkery, Daniel. 1924. *A Hidden Ireland*. Dublin: Gill and Macmillan.

Craigie, W. A. 1898 (Nollaig). 'An Historical Relic: Litir Sheón Néilson chum a Mhná', *Irisleabhar na Gaedhilge* 9(102), 285-7.

Croll, George. 1851. *The Life of the Most Rev. Doctor Croll, Archbishop of Armagh, and Primate of Ireland; To Which are Appended Some Letters, in Defence of His Character*. Dublin: James Duffy.

Crone, J. S. 1934 (Bealtaine – Meitheamh). 'Sgéala ó Chathair na gCeó', *The Irish Book Lover* 22(3), 50-2.

Cullen, L. M. 1969. 'The Hidden Ireland: Reassessment of a Concept', *Studia Hibernica* 9, 7-47.

Cunningham, Bernadette & Raymond Gillespie. 1984. 'The East Ulster Bardic Family of Ó Gnín', *Éigse* 20, 106-14.

Cunningham, Bernadette & Raymond Gillespie. 1986. 'An Ulster Settler and His Irish Manuscripts', *Éigse* 21, 27-36.

Cunningham, Bernadette & Raymond Gillespie. 1988. 'The Purposes of Patronage: Brian Maguire of Knockninny and His Manuscripts', *Clogher Record* 13(1), 38-49.

Cunningham, Bernadette & Raymond Gillespie. 2000. 'Patrick Logan and *Foras Feasa ar Éirinn*, 1696', *Éigse* 32, 146-52.

- Curran, Olive C. 1995. *History of the Diocese of Meath, 1860-1993*, Iml. 1. [Mullingar]: Michael Smith.
- Curayne, Alice. 1953. *The Trial of Oliver Plunkett*. New York: Sheed and Ward.
- Curtis, Edmund. 1934 (Iúil – Lúnasa). ‘Irish MSS. in Sheffield’, *The Irish Book Lover* 22(4), 91.
- Cusack, Danny. 2016. ‘Broken Silence: Peadar Gallegan and a Poem of the Great Famine’, *Ríocht na Midhe* 27, 151-8.
- D’Alton, John. 1838. *The History of the County of Dublin*. Dublin: Hodges and Smith.
- D’Alton, John. 1844. *The History of Drogheda with Its Environs and an Introductory Memoir of the Drogheda and Dublin Railway*, Iml. 1. Dublin: John D’Alton.
- D’Alton, John. 1855. *Illustrations, Historical and Genealogical, of King James’ Irish Army List (1689)*. Dublin: John D’Alton.
- D’Alton, John & J. R. O’Flanagan. 1864. *The History of Dundalk, and Its Environs; From the Earliest Historic Period to the Present Time; With Memoirs of Its Eminent Men*. Dundalk: William Tempest.
- Dawson, Ciarán. 1992. *Peadar Ó Gealacáin: Scríobhaí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Dawson, Ciarán. 2014. ‘Peadar Ó Gealacáin: Scríobhaí’, *Léachtaí Cholm Cille* 44, 129-63.
- de Bhaldraithe, Tomás. 1963. ‘Díolaim Focal’, *Celtica* 6, 262-7.

- de Bhaldraithe, Tomás. 1984. ‘Nótaí ar Fhocail: I’, *Celtica* 16, 34.
- de Bhaldraithe, Tomás. 1986. ‘Nótaí ar Fhocail’, *Celtica* 18, 57-68.
- de Bhaldraithe, Tomás. 1987 (Earrach). ‘An Pluincéadach—Ceanródaí Foclóireachta’, *Teangeolas* 22, 19-25.
- de Bhaldraithe, Tomás. 1988. ‘Nótaí ar Fhocail’, *Celtica* 20, 1-20.
- de Bhaldraithe, Tomás. 1990. ‘Roinnt Lusainmneacha as Foclóir an Phluincéadaigh’, *Celtica* 21, 126-45.
- de Bhaldraithe, Tomás. 1999. “‘Palmaire’ agus Focail Eile”, *Celtica* 23, 76-81.
- de Brún, Fionntán. 2011 (Earrach). ‘Expressing the Nineteenth Century in Irish: The Poetry of Aodh Mac Domhnaill (1802-67)’, *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 15(1), 81-106.
- de Brún, Pádraig. 1967. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí, Cnuasach Thorna, Iml. 1: Clár*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- de Brún, Pádraig. 1967-8. ‘Dhá Litir Ghaeilge’, *Éigse* 12, 85-90.
- de Brún, Pádraig. 1968. ‘Two Eighteenth-Century Laments’, *Clogher Record* 6(3), 618-25.
- de Brún, Pádraig. 1969. ‘Some Irish MSS with Breifne Associations’, *Breifne* 3(12), 552-61.
- de Brún, Pádraig. 1969-70. ‘Lámhscríbhinní Thorna—Addenda’, *Éigse* 13, 50-1.
- de Brún, Pádraig. 1970. ‘Corrigendum: Two Eighteenth-Century Laments’, *Clogher Record* 7(2), 220.

- de Brún, Pádraig. 1972. *Catalogue of Irish Manuscripts in King's Inns Library Dublin*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- de Brún, Pádraig. 1972a. 'Two Bréifne Manuscripts', *Breifne* 4(15), 426-37.
- de Brún, Pádraig. 1972b (Samhain). "'Gan Teannta Buird ná Binse": *Scríobhaithe na Gaeilge, c.1650-1850*', *Comhar* 31(11), 15-20.
- de Brún, Pádraig. 1977-9. 'Father Paul O'Brien's Irish Manuscripts: A Note', *Éigse* 17, 220.
- de Brún, Pádraig. 1987. 'The Cataloguing of Irish Manuscripts', *Newsletter of the School of Celtic Studies* 1, 27.
- de Brún, Pádraig. 1988. *Lámhscríbhinní Gaeilge: Treoirliosta*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- de Brún, Pádraig. 1999. 'An Irish Manuscript of Eighteenth-Century Meath', *Ríocht na Midhe* 10, 86-91.
- de Brún, Pádraig. 2009. *Scriptural Instruction in the Vernacular: The Irish Society and Its Teachers, 1818-1827*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- de Brún, Pádraig & Máire Herbert. 1986. *Catalogue of Irish Manuscripts in Cambridge Libraries*. Cambridge: Cambridge University Press.
- de Bhulf, Una. [1927]. 'An Liaigh i nErinn i nAllod. II', *Lia Fáil* 2, 229-33.
- [de hÍde, Dubhglas] ("An Craoibhín Aoibhinn"). 1904 (Samhain). 'Leabhar an Domhnallaigh', *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(170), 667-8.

- [de hÍde, Dubhglas] (“An Craobhín”). 1932. ‘Prosodia na Gaedhilge’, *Lia Fáil* 4, 139-66.
- Delargy, James H. & Kathleen Mulchrone. 1930. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 5. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- Dempsey, Madeline. 1918. *Catalogue of Irish Manuscripts in Belfast Public Library*. Clóscript neamhfhoilsithe.
- de Rís, Seán. 1969. *Peadar Ó Doirnín: A Bheatha agus a Shaothar*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Dillon, Charles. 2013. ‘Features of the Irish Dialect of Counties Cavan / Fermanagh, as Evidenced in 18th Century Manuscript Production’, *Zeitschrift für Celtische Philologie* 60, 27-50.
- Dillon, Charles. 2013a. ‘The Compositions of Séamas Dall Mac Cuarta in Contemporary Manuscript Sources’, *Éigse* 38, 104-30.
- Dillon, Myles, Canice Mooney & Pádraig de Brún. 1969. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Franciscan Library Killiney*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Donaldson, John. 1923. *A Historical & Statistical Account of the Barony of Upper Fews in the County of Armagh 1838*. Dundalk: W. Tempest, Dundalgan Press.
- Donlan, Seán Patrick. 2005. “‘The Places Most Fit for This Purpose’”: Francis Stoughton Sullivan and Legal Study at the University of Dublin (1761-6)’, *Eighteenth-Century Ireland / Iris an dá Chultúr* 20, 120-39.



- Donnellan, L[uke]. 1908 (Samhain). ‘Carolaniana’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 2(1), 62-71.
- Dottin, G. 1907. ‘Une Rédaction Moderne du Teanga Bithnua’, *Revue Celtique* 28, 277-307.
- Dowling, Patrick John. 1935. *The Hedge Schools of Ireland*. Dublin: The Talbot Press Limited.
- Draak, A. M. E. 1946. ‘Orlando agus Melora’, *Béaloideas* 16, 1-48.
- “Druim Luamáin II.” 1903 (Iúil). ‘Sgéal Shéamuis a’ Réisidhe’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 13(154), 357-9.
- “Druim Luamáin II.” 1903a (Lúnasa). ‘Sgéal Shéamuis a’ Réisidhe’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 13(155), 374-5.
- Duffy, J. 1965. ‘Comhairle Mhic Clamha ó Achadh na Muilleann’, *Clogher Record* 5(3), 307-47.
- Duffy, Seán. 1987. ‘Art Murphy and Gaelic Literary Activity in the Dundalk Area in the 1820’s’, *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 21(3), 231-56.
- Duffy, Seán. 1988. ‘Antiquarianism and Gaelic Revival in County Louth in the Pre-Famine Era’, *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 21(4), 343-68.
- Duffy, Seán. 1988a. ‘The Gaelic Account of the Bruce Invasion *Cath Fhochairte Bhrighite*: Medieval Romance or Modern Forgery?’, *Seanchas Ard Mhacha* 13(1), 59-121.

Duffy, Seán. 1989. *Nicholas O’Kearney: The Last of the Bards of Louth*. Coalisland, Tyrone: Éigse Oirialla.

Duffy, Seán. 1989a. ‘The Loughross Gaelic Scholar: Doctor James Woods’, *Creggan: Journal of the Creggan Local History Society*, 33-51.

Duncan, Lilian. 1932. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 8. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Duncan, Lilian. 1935. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 17. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Ellison, C. C. 1971. ‘Bishop Dopping’s Visitation Book 1682-1685’, *Ríocht na Midhe* [5(1)], 28-39.

Ellison, C. C. 1972. ‘Bishop Dopping’s Visitation Book 1682-1685’, *Ríocht na Midhe* 5(2), 3-13.

Ellison, C. C. 1973. ‘Bishop Dopping’s Visitation Book 1682-1685’, *Ríocht na Midhe* 5(3), 3-11.

Ellison, C. C. 1974. ‘Bishop Dopping’s Visitation Book 1682-1685’, *Ríocht na Midhe* 5(4), 98-103.

Ellison, C. C. 1975. ‘Bishop Dopping’s Visitation Book 1682-1685’, *Ríocht na Midhe* 6(1), 3-13.

Fagan, Patrick. 1987. ‘The Building of Two Eighteenth Century Chapels in the Parish of Clonmellon’, *Ríocht na Midhe* 8(1), 40-4.

Falconer, Sheila. 1953. *Lorgaireacht an tSoidhig Naomhtha*. Dublin: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Falconer, Sheila. 1958. 'An Irish Translation of the Gregory Legend', *Celtica* 4, 52-95.

Falconer, Sheila. 1958a. 'Rawlinson B477', *Celtica* 4, 48-51.

Fannin, Samuel. 2011. 'Documents of Irish Interest in Archivo de la Diputación Foral de Bizkaia (Bilbao)', *Archivium Hibernicum* 64, 170-93.

Faulkner, Anselm. 1973-4. 'Tóruidheacht na bhFireun air Lorg Chríosda (1762): The Translator', *Éigse* 15, 303-11.

Fennessy, Ignatius. 1995. 'The B Manuscripts in the Franciscan Library, Killiney' in *Dún Mhuire Killiney, 1945-95: Léann agus Seanchas*. Dublin: The Lilliput Press.

Fenning, Hugh. 1971. 'The Book of Receptions and Professions of SS Sixtus and Clement in Rome, 1676-1792', *Collectanea Hibernica* 14, 13-35.

Fenning, Hugh. 1976-7. 'The Library of a Preacher of Drogheda: John Donnelly, O.P. (d.1748)', *Collectanea Hibernica* 18-19, 72-104.

Fenning, Hugh. 1996. 'Irishmen Ordained at Rome, 1698-1759', *Archivium Hibernicum* 50, 29-49.

Fenning, Hugh. 1997. 'Irishmen Ordained at Rome, 1760-1800', *Archivium Hibernicum* 51, 16-37.

Fenning, Hugh. 2001. 'Irish Dominicans before 1700: A Biographical Register', *Collectanea Hibernica* 43, 112-60.

Fenning, Hugh. 2004-5. 'Dublin Imprints of Catholic Interest 1790-1795', *Collectanea Hibernica* 46-7, 72-141.

- Fenning, Hugh. 2005. 'Irishmen Ordained at Rome, 1572-1697', *Archivium Hibernicum* 59, 1-36.
- FitzPatrick, Elizabeth. 1933. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 9. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- FitzPatrick, Elizabeth. 1934. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 12. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- FitzPatrick, Elizabeth. 1935. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 14. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- FitzPatrick, Elizabeth. 1935a. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 15. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- FitzPatrick, Elizabeth. 1936. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 21. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- FitzPatrick, Elizabeth. 1938. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 24. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- FitzPatrick, Elizabeth. 1988. *The Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy: A Brief Introduction*. Dublin: Royal Irish Academy.
- FitzPatrick, Elizabeth & Kathleen Mulchrone. 1938. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 23. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- Fitzsimons, Jack. 1974. *The Parish of Kilbeg*. s.l.: s.n.
- Flower, Robin. 1926. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum*, Iml. 2. London: Trustees of the British Museum.

Flower, Robin. 1927 (Meitheamh). 'The Revelation of Christ's Wounds', *Béaloides* 1(1), 38-45.

Flower, Robin. 1940. 'Epistola Lentuli', in Ryan, John (*eag.*), *Féil-Sgríbhinn Eóin Mhic Néill*, 25-7. Baile Átha Cliath: Comhartha na dTrí gCoinneal.

Flower, Robin. 1953. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum*, Iml. 3. London: Trustees of the British Museum.

Forsythe, John. 1989. 'Clogher Diocesan Papers (2)', *Archivium Hibernicum* 44, 5-70.

Fox, Charlotte Milligan. 1911. *Annals of the Irish Harpers*. London: Smith, Elder & Co.

Garry, James. 1992-3. 'The Colpe Inscriptions', *Ríocht na Midhe* 8(4), 62-77.

Garstin, John Ribton. 1921. 'Some Inscriptions in Irish in the County of Louth', *Journal of the Louth Archaeological Society* 5(1), 3-12.

Giblin, Cathaldus. 1956. *Liber Lovaniensis: A Collection of Irish Franciscan Documents 1629-1717*. Dublin: Clonmore and Reynolds, Ltd.

Gillespie, Raymond. 1993. 'Catholic Religious Practices and Payments in Seventeenth-Century Ireland', *Archivium Hibernicum* 47, 3-10.

Gillespie, Raymond. 2009. 'The Irish Franciscans, 1600-1700' in Bhreathnach, Edel, Joseph McMahon & John McCaffrey (*eagí*), *The Irish Franciscans: 1534-1900*, 45-76. Dublin: Four Courts Press.

Greene, David. 1945-7. 'A Dedication and Poem by Charles Lynegar', *Éigse* 5, 4-7.

Greene, David. 1972. *Duanaire Mhéig Uidhir: The Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh, 1566-1589*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Griffith-Wilson, Margo. 2010. *The Wedding Poems of Dáibhí Ó Bruadair*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Hall, K. E. 1998-9. 'Athbhreithniú ar *Comhairle Comissarius na Cléire*', *Studia Hibernica* 30, 89-118.

Hamell, Patrick J. [1982]. *Maynooth Students and Ordinations Index 1795-1895*. [Birr: Patrick J. Hamell].

Harbison, Janet. 1986 (Fómhar). 'Bunting and the Belfast Harpers' Festival of 1792', *The Linen Hall Review* 3(3), 23-5.

Harrison, Alan. 1973-4. 'Lucht na Simléirí', *Éigse* 15, 189-202.

Harrison, Alan. 1979. *An Chrosántacht*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta. [Leabhair Thaighde, 27].

Harrison, Alan. 1988. *Ag Cruinniú Meala: Anthony Raymond (1675-1726), Ministéir Protastúnach, agus Léann na Gaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta. [Leabhair Thaighde, 60].

Hawkes, William. 1955. 'Irish Form of Preparation for Sunday Mass in the Eighteenth Century', *Reportorium Novum* 1(1), 183-92.

Hawkes, William. 1958. 'Parish of Ballymore Eustace, 1791', *Reportorium Novum* 2(1), 120-8.

Hayes, Richard J. 1965. *Manuscript Sources for the History of Irish Civilisation*, Iml. 11. Boston: G. K. Hall.

[Hayes, Richard J.]. 1975. *Manuscript Sources for the History of Irish Civilisation: First Supplement, 1965-1975*, Iml. 3. Boston: G. K. Hall & Co.

Healy, John. 1895. *Maynooth College: Its Centenary History*. Dublin: Browne & Nolan.

Henry, Mark. 2013. 'The O'Neills of the Fews: New Findings Concerning the Historical O'Neill Family and Their Present Day Lineage', *Seanchas Ard Mhacha* 24(2), 52-97.

Herity, Michael. 2001. *Ordnance Survey Letters, Down: Letters Containing Information Relative to the Antiquities of the County of Down Collected During the Progress of the Ordnance Survey in 1834*. Dublin: Four Masters Press.

Herity, Michael. 2001a. *Ordnance Survey Letters, Meath: Letters Containing Information Relative to the Antiquities of the County of Meath Collected During the Progress of the Ordnance Survey in 1836*. Dublin: Four Masters Press.

Herity, Michael. 2001b. *Ordnance Survey Letters, Dublin: Letters Containing Information Relative to the Antiquities of the County of Dublin Collected During the Progress of the Ordnance Survey in 1837*. Dublin: Four Masters Press.

Herity, Michael. 2011. *Ordnance Survey Letters, Longford and Westmeath: Letters Relating to the Antiquities of the Counties of Longford and Westmeath Containing Information Collected During the Progress of the Ordnance Survey in 1837*. Dublin: Fourmasters Press.

Herity, Michael. 2012. *Ordnance Survey Letters, Londonderry, Fermanagh, Armagh-Monaghan, Louth, Cavan-Leitrim: Letters Relating to the Antiquities of the Counties of Londonderry, Fermanagh, Armagh-Monaghan, Louth, Cavan-Leitrim Containing Information Collected During the Progress of the Ordnance Survey in 1834-1836*. Dublin: Fourmasters Press.

Hicks, Jeremiah F. 1947. *A Transliteration, with Commentary, of the Sermons of Father John Healy, Dunleer*. Tráchtas neamhfhoilsithe M.A., Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Hogan, Edmund. 1910. *Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, With Identifications, To the Gaelic Names of Places and Tribes*. Dublin: Hodges Figgis.

Hollo, Kaarina. 2008. 'Machiavelli in Mullach an Rátha: Belphegor, Folklore and Anticlericalism in Sheffield MS 17', *Scottish Gaelic Studies* 24, 267-84.

Hughes, A. J. 1987. 'Anecdotes Relating to Peadar Ó Doirnín and Cormac na gCeann', *Seanchas Ard Mhacha* 12(2), 128-37.

Hughes, A. J. 1987a. 'Fuar Leam Longphort mo Charad', *Celtica* 19, 61-74.

Hughes, A. J. 1988. 'The Seventeenth-Century Ulster / Scottish Contention of the Red Hand: Background and Significance' in Thomson, Derick S. (ed.), *Gaelic and Scots in Harmony: Proceedings of the Second International Conference on the Languages of Scotland*, 78-94. Glasgow: University of Glasgow.

Hughes, A. J. 1993. 'A Bardic Poem by Diarmuid Mac an Bhaird on the Destruction of a Mac Mahon Stronghold in Co. Monaghan in 1647 A.D.', *Clogher Record* 14(3), 67-76.



Hughes, A. J. 2001. 'Gaelic Poets and Scribes of the South Armagh Hinterland in the Eighteenth and Nineteenth Centuries', in Hughes, A. J. & William Nolan (*eagí*), *Armagh: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 505-57. Dublin: Geography Publications. [History & Society, 15].

Hughes, A. J. 2006. 'Robert MacAdam and the Nineteenth-Century Irish Language Revival' in de Brún, Fionntán (*eag.*), *Belfast and the Irish Language*, 43-64. Dublin: Four Courts Press.

Hughes, A. J. 2006a. 'The Ulster Gaelic Society and the Work of MacAdam's Irish Scribes' in de Brún, Fionntán (*eag.*), *Belfast and the Irish Language*, 65-100. Dublin: Four Courts Press.

Hyde, Douglas. 1897 (Iúil). 'An Irish Funeral Oration over Owen O'Neill, of the House of Clanaboy', *Ulster Journal of Archaeology*, Sraith II, 3(4), 258-271.

Hyde, Douglas. 1899. *Giolla an Fhiugha or, The Lad of the Ferule. Eachtra Cloinne Rígh na h-Ioruaidhe or, Adventures of the Children of the King of Norway*. London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society 1].

Hyde, Douglas. 1906. *Abhráin Diadha Chúige Connacht or The Religious Songs of Connacht: A Collection of Poems, Stories, Prayers, Satires, Ranns, Charms, etc.:* Cuid I. Dublin: M. H. Gill and Son, Ltd.

Hyde, Douglas. 1906a. *Abhráin Diadha Chúige Connacht or The Religious Songs of Connacht: A Collection of Poems, Stories, Prayers, Satires, Ranns, Charms, etc.:* Cuid II. Dublin: M. H. Gill and Son, Ltd.

Hyde, Douglas. 1910. *Beside the Fire: A Collection of Irish Gaelic Folk Songs*. London: David Nutt.

- Hyde, Douglas. [1915]. *Legends of Saints & Sinners*. London: T. Fisher Unwin.
- Jackson, Kenneth. 1938. *Cath Maighe Léna*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies. [Mediaeval and Modern Irish Series 9].
- Jennings, Brendan. 1956. 'Ireland and the Propaganda Fide, 1672-6', *Archivium Hibernicum* 19, 1-60.
- Jennings, Brendan & Cathaldus Giblin. 1968. *Louvain Papers, 1606-1827*. Dublin: Stationery Office.
- Johnston, Don. 2013. 'Gaelic-Speaking Presbyterian Ministers of Dundalk / Ballymascanlan', *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 28(1), 45-70.
- Kearns, Patrick. 1983-4. 'James Pulleine: An 18th Century Dean of Dromore', *Seanchas Ard Mhacha* 11(1), 70-9.
- Keating, James. [1970]. 'Arthur Bennett of Ballykeel', *Mullaghbawn Historical and Folk-Lore Society* 1, [13]-[19].
- Keegan, Fintan. 2017. "'Gan Cabhar ná Anacal air fris na Ciantaibh": Lámhscríbhinní Déanacha an Tuaiscirt i gCnuasach Mhá Nuad', *Irisleabhar Mhá Nuad* 2017, 19-39.
- Kelly, Hugh. 1954. 'Voices from the Grave: 1. Destruction of Gaelic MSS. in South Armagh', *Seanchas Ard Mhacha* 1(1), 115-16.
- Kelly, Matthew. 1848. *Cambrensis Eversus: The History of Ancient Ireland Vindicated: The Religion, Laws and Civilisation of Her People Exhibited in the Lives, and Actions of Her Kings, Princes, Saints, Bishops, Bards, and Other Learned Men*.

*With Extracts from Ancient Irish Manuscripts, Illustrative of the Social Condition of Her People before the Anglo-Norman Invasion, Originally Written in Latin by the Rev. John Lynch. To Which is Prefixed the State and Condition of the Catholics of Ireland, under Cromwell, from the Year 1652 to 1656 by Father Quin, S.J., Iml. 1.*  
Dublin: The Celtic Society.

Kennedy, David. 1941 (Meitheamh). 'Popular Education and the Gaelic Tradition in North-East Ulster', *Studies* 30(118), 273-86.

Killeen, J. F. 1982-3. 'The Address to Sir Richard Cox', *Éigse* 19, 276-80.

Laoide, Seosamh. 1896 (Eanáir – Feabhra). 'Irish in Monaghan County', *Irisleabhar na Gaedhilge* 6(1), 145-52.

Laoide, Seosamh. 1904. *Seachrán Chairn tSiadhail: Amhrán Ilcheardaidheachta agus Seanchas Síor-Chuartaidheachta*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

Laoide, Seosamh. 1905. *Sgéalaidhe Óirghiall .i. Sgéalaidhe Fearnmhuighe agus Tuilleadh Leis*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

Laoide, Seosamh. 1914. *Duanaire na Midhe*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

Leslie, J. B. 1942. 'Indexed List of Wills of Residents in Dundalk and District', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 10(2), 113-15.

Leslie, J. B. 2008. *Clergy of Kilmore, Elphin and Ardagh: Biographical Succession Lists*. Belfast: Ulster Historical Foundation.

Leslie, Shane. 1934 (Samhain – Nollaig). 'Archbishop Carpenter's Irish Script', *The Irish Book Lover* 22(6), 142.

- Livingstone, Peadar. 1980. *The Monaghan Story: A Documented History of the County Monaghan from the Earliest Times to 1976*. Enniskillen: Clogher Historical Society.
- Lloyd, J. H. 1912. 'Mid-Eighteenth Century Conversation', *Gadelica* 1(1), 19-31.
- Logan, John. 1971. 'Tadhg O Roddy and Two Surveys of County Leitrim', *Breifne* 4(14), 318-34.
- Love, Walter D. 1962 (Márta). 'Charles O'Conor of Belanagare and Thomas Leland's "Philosophical" History of Ireland', *Irish Historical Studies* 13(49), 1-25.
- McAdoo, H. R. 1940. 'The Irish Translations of the Book of Common Prayer', *Éigse* 2, 250-7.
- Mac Airt, Seán. 1944. *Leabhar Branach: The Book of the O'Byrnes*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Mac Airt, Seán. 1951 (Márta). 'I mBeal Feirste na nGaedheal: Filidheacht Aoidh Mhic Domhnaill [sic]', *An tUltach* 28(3), 1-4.
- Macalister, R. A. Stewart. 1903. 'The Vision of Merlino', *Zeitschrift für Celtische Philologie* 4, 394-455.
- Mac Annaidh, Séamas. 1993 (Samhain). 'Ismael Fitzadam agus Simon Macken—Teaghlach Liteartha as Achadh Lon?', *An tUltach* 70(11), 4-8.
- Mac Annaidh, Séamas. 1995 (Deireadh Fómhair). 'Siomón Macaoín—Foinse Eile Eolais', *An tUltach* 72(10), 20-21.

Mac Annaidh, Séamus. 2009. *Fermanagh Books, Writers & Newspapers of the Nineteenth Century: A Bibliographical and Biographical Dictionary*. Enniskillen: Marmara Denizi.

Mhac an tSaoi, Máire. 1946. *Dhá Sgéal Artúraíochta, mar atá Eachtra Mhelóra agus Orlando agus Céilidhe Iosgaide Léithe*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léighinn Bhaile Átha Cliath.

Mhac an tSaoi, Máire. 1946a. 'Filíocht den tSeachtú hAois Déag', *Celtica* 1(1), 141-57.

Mac Aodhagáin, Parthalán. 1954 (Márta). 'Irish Manuscripts in the Vatican', *The Irish Book Lover* 32(3), 61-2.

Mac Aogáin, Parthalán. 1968. *Graiméir Ghaeilge na mBráthar Mionúr*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

MacBrádaigh, Seán. 2002. *The Bradys of Cavan in History and Genealogy*. Dublin: Genealogical Society of Ireland. [Irish Genealogical Sources, 29].

Mac Cana, Proinsias. 1974. 'The Rise of the Later Schools of *Filidheacht*', *Ériu* 25, 126-46.

Mac Cathmhaoil, Nioclás. 2013. *Muiris Ó Gormáin: Beatha agus Saothar*. Indreabhán: An Clóchomhar / Cló Iar-Chonnacht.

Mac Cathmhaoil, Nioclás. 2016. 'A Poem in Praise of Aodh Óg Mag Mathghamhna', *Éigse* 39, 44-70.

Mac Cathmhaoil, Nioclás. 2017. 'Bardic Poetry and the MacMahons of Oirghialla' in Duffy, Patrick J. & Éamonn Ó Ciardha (*eagí*), *Monaghan: History and Society*;

- Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County, 195-224*. Dublin: Geography Publications. [History and Society].
- McCaughey, Terence. 1967-8. ‘Muiris Ó Gormáin’s English-Irish Phrasebook’, *Éigse* 12, 203-27.
- Mac Cnáimhsí, Breandán. 1968. ‘Nioclás Ó Cearnaigh’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 16(4), 233-8.
- Mhág Craith, Cuthbert. 1958. ‘Brian Mac Giolla Phádraig’, *Celtica* 4, 103-205.
- Mhág Craith, Cuthbert. 1967. *Dán na mBráthar Mionúr*, Iml. 1. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Mhág Craith, Cuthbert. 1980. *Dán na mBráthar Mionúr*, Iml. 2. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Mac Diarmada, Séamas. 1995 (Deireadh Fómhair). ‘Deontas Cleasach Talaimh’, *An tUltach* 72(10), 22-3.
- Mac Diarmada, Séamus. 2005 (Bealtaine). ‘Pádraig Ó Loingsigh: Saoi Saoithiúil’, *An tUltach* 81(5), 6-9.
- Mac Diarmada, Séamus. 2005a (Meitheamh). ‘Pádraig Ó Loingsigh: Saoi Saoithiúil ... ar Lean’, *An tUltach* 81(6), 8-11.
- Mac Doinnléibhe, Peadar. 1963. ‘Schools in County Fermanagh, 1824-1826’, *Clogher Record* 5(1), 96-120.
- Mag Eacháin, Conchúr. 2013. ‘Samplaí de Chaomhnú an Chuimiltigh Chogusaigh Ghlóraigh i Lár agus i nDeireadh Focal i nGaeilge Chúige Uladh’, *Éigse* 38, 174-87.

- Mac Enery, Marcus. 1948-52. 'Cows and Calves, Books and Copies', *Éigse* 6, 135-45.
- Mac Fhinn, Pádraig Eric. 1930 (Márta – Aibreán). 'Láimhsgríbhinní Gaedhilge i gCathair na Róimhe', *The Irish Book Lover* 18(2), 49.
- Mac Gabhann, Séamus. 1994-5. 'Salvaging Cultural Identity', *Ríocht na Midhe* 9(1), 71-87.
- Mac Gabhann, Séamus. 1996. 'Forging Identity: Michael Clarke and the Hidden Ireland', *Ríocht na Midhe* 9(2), 73-95.
- Mac Gabhann, Séamus. 1999. 'Fr. Paul O'Brien of Cormeen (1763-1820): Folk-Poet and Maynooth Professor', *Ríocht na Midhe* 10, 125-51.
- Mac Gabhann, Séamus. 2005. 'Continuity and Transition in the Poetry of James Tevlin (1798-1873)', *Ríocht na Midhe* 16, 83-104.
- Mac Giolla Chomhghaill, Séamus (*al.* Séamus Ó Comhghaill) → "Druim Luamáin II."
- Mac Giolla Fhinnéin, Brian. 1993. 'Pádraig Ó Loingsigh: Saol agus Saothar', *Seanchas Ard Mhacha* 15(2), 98-124.
- Mac Giolla Léith, Caoimhín. 1989. 'From Saga to Folktale: "The Deirdre Story" in Gaelic Tradition' in McClure, J. Derrick & Michael R. G. Spiller (*edgí*), *Bryght Lanternis: Essays on the Literature of Medieval and Renaissance Scotland*, 405-19. Aberdeen: Aberdeen University Press.

- Mac Giolla Léith, Caoimhín. 1993 [1992]. *Oidheadh Chloinne hUisneach: The Violent Death of the Children of Uisneach*. London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society, 56].
- Mac Giolla Phádraig, Brian. [1956]. ‘Úna Ní Fhaircheallaigh’ in Ó Néill, Séamus & Beárnard Ó Dubhthaigh (*eagí*), *Coláiste Uladh: Leabhar Cuimhne Iubhaile Leith-Chéid Blian, 1906-1956, 25-9*. s.l.: Coiste Stiúrtha Coláiste Uladh.
- Mac Giolla Phádraig, Brian. 1962. ‘An Irish Manuscript of 1801’, *Breifne* 2(5), 47-9.
- Mac Giolla Phádraig, Brian. 1976 (Nollaig). ‘Dr. John Carpenter: Archbishop of Dublin, 1760-1786’, *Dublin Historical Record* 30(1), 2-17.
- Mac Iomhair, Diarmuid. 1966. ‘The House of Louth in the Seventeenth and Eighteenth Centuries’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 16(2), 67-84.
- MacIvor, Dermot. 1957. ‘Census of Tallanstown Parish, 1834’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 14(1), 14-25.
- MacIvor, Dermot. 1958. ‘The Legend of Gearóid Iarla of Hacklim’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 14(2), 68-81.
- Mackechnie, John. 1973. *Catalogue of Gaelic Manuscripts in Selected Libraries in Great Britain and Ireland*, Iml. 1. Boston: G. K. Hall & Co.
- McKenna, J. E. 1920. *Diocese of Clogher Parochial Records: Fermanagh*. Enniskillen: The Fermanagh Herald.
- McKenna, J. E. 1920a. *Diocese of Clogher Parochial Records: Monaghan*. Enniskillen: The Fermanagh Herald.



- McKenna, L. 1918. *Iomarbhágh na bhFileadh: The Contention of the Bards*, Cuid I. London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society, 20].
- McKenna, Malachy. 1991. 'A Textual History of *The Spiritual Rose*', *Clogher Record* 14(1), 52-73.
- McKenna, Malachy. 2001. *The Spiritual Rose: Prayers and Meditations in Irish*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- McKernan, Owen. 1941-2. 'A Correction', *Éigse* 3, 185.
- McKernan, Owen. 1941-2a. 'Leaves from Belfast Manuscripts', *Éigse* 3, 186-92.
- McKernan, Owen. 1941-2b. 'Poems from the Manuscripts Preserved in Queen's University, Belfast', *Éigse* 3, 103-7.
- MacKiernan, Francis J. 2001. 'Thomas Fitzsimons (1614-80)', *Breifne* 10(37), 313-35.
- Mackinnon, D. 1912. *A Descriptive Catalogue of Gaelic Manuscripts in the Advocates' Library, Edinburgh, and Elsewhere in Scotland*. Edinburgh: s.n.
- Mac Labhraí, Seán. 2005. 'Pádraig Ó Pronntaigh: Scríobhaí', *Taighde agus Teagasc* 5, 13.
- Mac Labhraí, Seán. 2006. 'Pádraig Ó Pronntaigh: File', *Taighde agus Teagasc* 6, 32-47.
- Mac Labhraí, Seán. 2013. 'Pádraig Ó Pronntaigh: Scríobhaí agus File', *Seanchas Ard Mhacha* 24(2), 251-90.
- Mac Lochlainn, Ailfrid. 1958. 'Irish Manuscripts at Liverpool', *Celtica* 4, 217-38.

- Mac Lochlainn, Alf. 1957. 'Martin v. Clarke', *Ríocht na Midhe* 1(3), 69-70.
- Mac Lochlainn, Alf. 1961. 'Miscellanea: James Martin and Michael Clarke', *Ríocht na Midhe* 2(3), 61.
- Mac Lochlainn, Alf. 1972. 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire: Leagan as Lámhscríbhinn', *Studia Hibernica* 12, 109-19.
- Mac Lochlainn, A[ilfrid] & Gerard Murphy. 1954 (Márta). 'Linegar', *The Irish Book Lover* 32(3), 65.
- McMahon, Kevin & Tomás Ó Fiaich. 1972. 'Inscriptions in Creggan Graveyard', *Seanchas Ard Mhacha* 6(2), 309-32.
- McMahon, Theo. 1991. 'Some County Monaghan Extracts from the 1821 Census', *Clogher Record* 14(1), 92-144.
- McMahon, Theo & Maire O'Neill. 2010. 'The Cottiers of the Shirley Estate in the Civil Parishes of Donaghmoyne, Killanny, Magheracloone and Magheross 1840-1847', *Clogher Record* 20(2), 243-86.
- McManus, Damian. 1994. 'An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach' in McCone, Kim, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams & Liam Breatnach (*eagí*), *Stair na Gaeilge in Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*, 335-445. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- McManus, Damian & Eoghan Ó Raghallaigh. 2010. *A Bardic Miscellany: Five Hundred Bardic Poems from Manuscripts in Irish and British Libraries*. Dublin: Trinity College, Dublin. [Trinity Irish Studies, 2].

Mac Murchaidh, Ciarán. 1990. ‘Some Notes on Mag Uidhir Fhear Manach’, *Clogher Record* 3(13), 92-9.

[Mac Néill, Eoin]. 1895 (Aibreán). ‘Gaelic Notes’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 6(1), 14-15.

Mac Néill, Eóin. 1902 (Aibreán). ‘The Rossmore Manuscripts’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 12(139), 55-9.

Mac Néill, Eoin. 1906 (Lúnasa). ‘The O’Lavery Manuscripts—I’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 16(12), 177-9.

Mac Néill, Eoin. 1906a (Meán Fómhair). ‘The O’Lavery Manuscripts—II’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 16(13), 193-6.

Mac Néill, Eoin. 1906b (Deireadh Fómhair). ‘The O’Lavery Manuscripts—III’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 16(14), 209-13.

Mac Néill, Eoin. 1906c (Samhain). ‘The O’Lavery Manuscripts—IV’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 16(15), 225-7.

Mac Niocaill, Gearóid. 1966. ‘Dhá Leagan de Scéal Phíoláit’, *Celtica* 7, 205-13.

Mac Peaircín, Liam. 2006. ‘Lámhscríbhinní Leabharlann John Rylands agus D. H. Kelly’, *Bliainiris* 6, 72-94.

Macpherson, James. 1806. *The Poems of Ossian Translated by James Macpherson ... Containing Dr. Blair’s Three Celebrated Critical Dissertations, and a Preliminary Discourse ...*, Iml. 1. London: Lackington, Allen & Co.

Mag Uidhir, Seosamh. 1963. *Léirmheas ar: Clár na Lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann Phoiblí Bhéal Feirste*, *Studia Hibernica* 3, 226-30.

Mag Uidhir, Seosamh. 1977. *Pádraig Mac a Liondain: Dánta*. [Baile Átha Cliath]: An Clóchomhar, Tta.

Madden, R. R. 1866. *Exposure of Literary Frauds and Forgeries Concocted in Ireland: Spurious Predictions Designated Prophecies of St. Columbkille, etc. etc. etc.* Dublin: John F. Fowler.

*Mag, Mhag* → *Mac*

Maguire, Noel. 1960-1. 'Inscriptions from Aghavea Cemetery', *Clogher Record* 4(1-2), 95-112.

Mahon, William. 1996. 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i nGaillimh 1700-1900' in Gillespie, Raymond & Gerard Moran (*eagí*), *Galway: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 623-50. Dublin: Geography Publications. [History and Society, 9].

Mahony, Robert. 1987. 'Muiris Ó Gormáin and the Lords Lieutenant of Ireland', *Éigse* 22, 25-36.

Mallon, Patrick & Noel Ross. 1986. 'Gravestone Inscriptions in Port', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 21(2), 208-18.

Martin, Sheila. 2000. *Directory of Merchants & Traders of Dublin in 1798*. Dublin: Genealogical Society of Ireland. [Irish Genealogical Sources, 20].

Meehan, C. P. 1870.<sup>2</sup> *The Fate and Fortunes of Hugh O'Neill, Earl of Tyrone, and Rory O'Donel, Earl of Tyrconnel; Their Flight from Ireland, and Death in Exile*. Dublin: James Duffy.

- Millett, Beningus. 1964. *The Irish Franciscans: 1661-1665*. Roma: Gregorian University Press. [Analecta Gregoriana, 129].
- Millett, Benignus. 1986. 'Some Lists of Priests in Ireland 1684-94', *Collectanea Hibernica* 27-28, 86-109.
- Millett, Beningus. 1998. 'Irishmen Ordained at Prague, 1628-1700: Additions and Corrections to Matthaus Hösler's Lists', *Collectanea Hibernica* 39/40, 23-31.
- Moloney, Colette. 2000. *The Irish Music Manuscripts of Edward Bunting (1773-1843): An Introduction and Catalogue*. Dublin: Taisce Cheol Dúchais Éireann.
- Mooney, Canice. 1940 (Bealtaine). 'Irish MS. Copies of the Pseudo-Bonaventurian Text: *Meditationes Vitae Christi*. Generally Known in Irish as Beatha Chríost', *The Irish Book Lover* 27(3), 208.
- Mooney, Canice. 1946. 'Topographical Fragments from the Franciscan Library', *Celtica* 1(1), 64-85.
- Mooney, Canice. 1954. 'The Franciscan Third Order Friary at Dungannon', *Seanchas Ard Mhacha* 1(1), 12-23.
- Mooney, Canice. 1955. 'The Franciscan First Order Friary at Dungannon', *Seanchas Ard Mhacha* 1(2), 72-93.
- Mooney, Canice. 1959. 'An Irish MS. from Mountnugent', *Breifne* 1(2), 113-17.
- Moore, Séamus P. 1953-5. 'A County Down Transcript of Egerton 127', *Éigse* 7, 205-9.
- Moore, Séamus P. 1953-5a. 'Two Manuscripts from South Cavan', *Éigse* 7, 275-7.

- Moore, Séamus P. 1955. 'Poems in Irish on 18th Century Priests', *Clogher Record* 1(3), 53-65.
- Moore, Séamus P. 1956. 'On Father Francis Mac Mahon', *Clogher Record* 1(4), 132-5.
- M[ooore], S[éamus] P. 1956a. 'Poems in Irish on 18th Century Priests: Addenda and Corrigenda', *Clogher Record* 1(4), 136.
- Moran, [Patrick Francis]. 1895. *Memoir of the Ven. Oliver Plunkett, Archbishop of Armagh and Primate of All Ireland, Who Suffered Death for the Catholic Faith in the Year 1681*. Dublin: Browne & Nolan, Ltd.
- Morris, Henry. 1904. 'The Modern Irish Poets of Oriel, Breffni, and Meath', *Journal of the Louth Archaeological Society* 1(1), 54-9.
- Morris, H[enry]. 1915. 'Fáilte Maighistir Ió Pluinceat', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 3(4), 388-93.
- Morris, H[enry]. 1917. 'Irish Annals', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 4(2), 202-4.
- Morris, H[enry]. 1927. 'Father Brian MacHenry, Drogheda, 1757', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 6(3), 135.
- Morris, H[enry]. 1928. 'Another Galligan Manuscript', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 6(4), 269.
- Morris, Henry. 1928a. 'Peadar O Gealacain. A Great Irish Scribe', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 6(4), 167-80.

Morris, H[enry]. 1931. 'Art MacCooey and Father Lamb', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 7(3), 412-18.

Morris, H[enry] & Séamus Ó Casaide. 1934 (Eanáir – Feabhra). 'The Dirge of Erin', *The Irish Book Lover* 22(1), 14.

Morris, Henry. 1938. 'Matthew Moore Graham', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 9(2), 115-23.

Mulchrone, Kathleen. 1928. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 2. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Mulchrone, Kathleen. 1929. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 4. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Mulchrone, Kathleen. 1935. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 16. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Mulchrone, Kathleen. 1936. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 19. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Mulchrone, Kathleen. 1936a. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 20. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Mulchrone, Kathleen. 1937. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 22. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Mulchrone, Kathleen. 1942. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 26. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

Mulchrone, Kathleen & Elizabeth FitzPatrick. 1932. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 7. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

- Mulchrone, Kathleen & Elizabeth FitzPatrick. 1943. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 27. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- Mulligan, Patrick. 1976. 'Four County Monaghan Leases, 1794, 1792, 1811 and 1831', *Clogher Record* 9(1), 78-86.
- Mulligan, Patrick. 1981. 'The Life and Times of Bishop Edward Kernan', *Clogher Record* 10(3), 323-48.
- Murphy, Gerard. 1939. 'Notes on Aisling Poetry', *Éigse* 1, 40-50.
- Murphy, Gerard. 1942 (Meitheamh – Nollaig). 'The Puzzle of the Thirty Counters', *Béaloides* 12(1-2), 3-28.
- Murphy, Gerard. 1948-52. 'Poems of Exile by Uilliam Nuinseann Mac Barúin Dealbhna', *Éigse* 6, 8-15.
- Murphy, Gerard & Elizabeth FitzPatrick. 1940. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 25. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- Murphy, Gerard & Anne O'Sullivan. 1953. *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn: Part III, Introduction Notes, Appendices and Glossary*. Dublin: Educational Company of Ireland. [Irish Texts Society, 43].
- Murphy, Gerard & Winifred Wulff. 1935. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 18. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- Murphy, M. J. 1990. *Stories and Sayings from Slieve Gullion*. Dundalk: Tempest Press.
- Murray, Laurence P. 1913. 'Old Times in Dundalk and Its Neighbourhood', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 3(2), 181-8.



Murray, Lawrence P. 1915. 'A Louth Irish Manuscript in New York', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 3(4), 318-22.

Murray, L. P. 1915a. 'Poets and Poetry of the Parish of Kilkerry, Haggardstown', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 3(4), 369-84.

Murray, L. 1916. 'Three Documents Concerning the Deanery of Dundalk During the Eighteenth Century', *Archivium Hibernicum* 5, 39-73.

Murray, L. P. 1928. 'Father Brian MacHenry, O.P., Drogheda', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 6(4), 250-2.

Murray, L. P. 1933. 'The Lament of Patrick Fleming: A Sidelight on the Life of Blessed Oliver Plunket', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 8(1), 75-91.

Murray, L. P. 1934. 'The History of the Parish of Creggan in the 17th and 18th Centuries', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 8(2), 117-63.

Murray, Laurence P. 1940. *History of the Parish of Creggan in the 17th and 18th Centuries: With Numerous Ancient Maps and Illustrations*. Dundalk: Dundalgan Press.

Murtagh, Michael. 1997. 'Father John Sproule Keenan: Classical and Mercantile Academy, Dundalk 1817-1823', *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 24(1), 60-74.

Nelson, E. Charles. 1987 (Fómhar). 'A Dundalk Farmer's Library in 1803', *The Linen Hall Review* 4(3), 14-16.

Nic, Níc → Ní

Nic Cárthaigh, Emma. 2004. ‘Tadhg Ó Neachtuin: A Man of Lists’ in Carey, John, Máire Herbert & Kevin Murray (*eagí*), *Cín Chille Cúile—Texts, Saints and Places: Essays in Honour of Pádraig Ó Riain*, 208-24. Aberystwyth: Celtic Studies Publications.

Nic Cárthaigh, Emma. 2014. ‘The Seven Heavens in the Modern Recension of *In Tenga Bithnua*’ in Carey, John, Emma Nic Cárthaigh & Caitríona Ó Dochartaigh (*eagí*), *The End and Beyond: Medieval Irish Eschatology*, Iml. 1, 211-83. Aberystwyth: Celtic Studies Publications.

Ní Chléirigh, Meadhbh. 1941. *Eachtra na gCuradh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. [Leabhair ó Láimhsgríbhñibh, 1].

Nic Congáil, Ríona. 2010. *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an Fhís Útóipeach Ghaelach*. Baile Átha Cliath: Arlen House.

Nic Dhonnchadha, Aoibheann. 2006. ‘The Medical School of Aghmacart, Queen’s County’, *Ossory, Laois and Leinster* 2, 11-43.

Nic Dhonnchadha, Aoibheann. 2013. ‘Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ls Bhreise 175’, *Celtica* 27, 148-53.

Nic Eoin, Máirín. 1998. ‘An tÚdar, an Téacs agus an Criticeoir’ in Ní Anracháin, Máire & Bríona Nic Dhiarmada (*eagí*), *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, 64-93. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.

Ní Ghráda, Máiréad. [1925]. ‘Táin Bó Geanainn’, *Lia Fáil* [1], 49-78.

Nilis, Jeroen. 2006-7. ‘Irish Students at Leuven University, 1548-1797 (With Index)’, *Archivium Hibernicum* 60, 1-304.

Nilsen, Kenneth E. 1985. 'Three Irish Manuscripts in Massachusetts', *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 5, 1-21.

Ní Mhaoláin, Lára. 2008. *Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne agus Deargruathar Chonaill Chearnaigh: Eagrán Criticiúil*, Iml. 1. Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D., Ollscoil na hÉireann Má Nuad.

Ní Mhaonaigh, Máire. 1998. *A New Introduction to Giolla an Fhiugha (The Lad of the Ferule) and Eachtra Cloinne Rígh na h-Ioruaidhe (Adventures of the Children of Norway)*. London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society Subsidiary Series, 8].

Ní Mhuirgheasa, Máire. 1944. *Imtheacht an Dá Nónbhar agus Tóraigheacht Taise Taoibhghile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. [Leabhair ó Láimhsgríbhnihb, 16].

Ní Mhunghaile, Lesa. 2008. 'Leabharlann Phearsanta Mhuiris Uí Ghormáin', *Bliainiris* 8, 59-112.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2009. *Charlotte Brooke's Reliques of Irish Poetry*, Iml. 1. Dublin: Irish Manuscripts Commission.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2009a. 'Muiris Ó Gormáin [† 1794]: Scoláire idir Dhá Chultúr' in Mac Craith, Mícheál & Pádraig Ó hÉalaí (*eagí*), *Diasa Díograise: Aistí i gCuimhne ar Mháirtín Ó Briain*, 217-35. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2009b. 'Tuibear, Risteard (Richard Tipper) (d. 1730)' in McGuire, James & James Quinn (*eagí*), *Dictionary of Irish Biography from the Earliest Times to the Year 2002*, Iml. 9, 511-12. New York: Cambridge University Press.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2010. ‘An Eighteenth-Century Gaelic Scribe’s Private Library: Muiris Ó Gormáin’s Books’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 110C, 239-76.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2010a. ‘The Intersection between Oral Tradition, Manuscript, and Print Cultures in Charlotte Brooke’s *Reliques of Irish Poetry* (1789)’, in Caball, Mark & Andrew Carpenter (eagí), *Oral and Print Cultures in Ireland, 1600-1900*, 14-31. Dublin: Four Courts Press.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2010b. ‘The Irish Language and Gaelic Literary Heritage of County Longford in the Eighteenth and Nineteenth Centuries’ in Morris, Martin & Fergus O’Ferrall (eagí), *Longford: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 283-95. Dublin: Geography Publications. [History & Society, 21].

Ní Mhunghaile, Lesa. 2011. ‘Scribal Networks and Manuscript Circulation in Meath During the Eighteenth and Early Nineteenth Centuries’, *Ríocht na Midhe* 22, 131-49.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2014. ‘Saothrú Léann na Gaeilge i gCo. na Mí san Ochtú agus sa Naoú hAois Déag’, *Léachtaí Cholm Cille* 44, 104-28.

Ní Mhunghaile, Lesa. 2015. ‘The Irish Language in County Meath, 1700-1850’ in Crampsie, Arlene & Francis Ludlow (eagí), *Meath: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 547-72. Dublin: Geography Publications. [History & Society, 24].

Ní Mhunghaile, Lesa. 2016. ‘An Solamh Sochmadh’: Seon Mac Solaidh agus Ciorcail Uí Neachtain’ in Mac Mathúna, Liam & Regina Uí Chollatáin (eagí), *Saothrú na Gaeilge Scríofa i Suímh Uirbeacha na hÉireann, 1700-1850*, 74-95. Baile Átha Cliath: Ollscoil na hÉireann. [Éigse: Sraith Ócáideach Breise, 2].

- Ní Mhurchú, Máire & Diarmuid Breathnach. 1999. 1782-1881: *Beathaisnéis*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 86].
- Ní Mhurchú, Máire & Diarmuid Breathnach. 2001. 1560-1781: *Beathaisnéis*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 89].
- Ní Mhurchú, Síle. 2017. ‘Observations on the Manuscript Sources for the Dánta Grá’, *Celtica* 29, 199-250.
- Níc Philibín, Mairghréd. 1938. *Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ní Shéaghdha, Nessa. 1942. *Agallamh na Seanórach*, Iml 1. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. [Leabhair ó Láimhsgríbhnihbh, 7].
- Ní Shéaghdha, Nessa. 1961. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 2. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ní Shéaghdha, Nessa. 1963. ‘An English-Irish Vocabulary’, *Celtica* 6, 127-34.
- Ní Shéaghdha, Nessa. 1967. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 1. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ní Shéaghdha, Nessa. 1967a. *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: The Pursuit of Diarmaid and Gráinne*. Dublin: Educational Company of Ireland. [Irish Texts Society, 48].
- Ní Shéaghdha, Nessa. 1976. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 3. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ní Shéaghdha, Nessa. 1977. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 4. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1979. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 5. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1980. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 6. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1982. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 7. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1984. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 8. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1985. 'Collectors of Irish Manuscripts: Motives and Methods', *Celtica* 17, 1-28.

Ní Shéaghda, Nessa. 1986. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 9. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1987. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 10. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda 1987a. 'Cuntas Pearsanta ó Nessa Ní Shéaghda ar an gCaidreamh a Bhí Aici ar Shaoithe an Léinn Cheiltigh', *Scoil an Léinn Cheiltigh Tuarascáil Leathcéad Blian / School of Celtic Studies Fiftieth Anniversary Report 1940-1990*, 174-6.

Ní Shéaghda, Nessa. 1989. 'Irish Scholars and Scribes in Eighteenth-Century Dublin', *Eighteenth-Century Ireland: Iris an Dá Chultúr* 4, 41-54.

Ní Shéaghda, Nessa. 1990. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 12. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1990a. ‘Gairmeacha Beatha Roinnt Scríobhaithe ón 18ú agus ón 19ú hAois’, *Celtica* 21, 567-75.

Ní Shéaghda, Nessa. 1999. *Collectors of Irish Manuscripts: Motives and Methods*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghda, Nessa. 1999a. ‘The Poems of Blathmhac: The “Fragmentary Quatrains”’, *Celtica* 23, 227-30.

Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster: People, Songs and Traditions of Oriel*. Dublin: Four Courts Press.

Ní Uallacháin, Pádraigín. 2014. ‘A Drogheda List of Melodies: Implications for the Song Tradition of Meath and Oriel’, *Ríocht na Midhe* 25, 165-95.

Ní Úrdail, Meidhbhín. 2000. *The Scribe in Eighteenth- and Nineteenth-Century Ireland: Motivations and Milieu*. Münster: Nodus Publikationen.

Ní Úrdail, Meidhbhín. 2011. *Cath Cluana Tarbh / The Battle of Clontarf*. London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society, 64].

Ní Úrdail, Meidhbhín. 2018. ‘Oidhreacht na Lámhscríbhinní Gaeilge: Roinnt Seod i Leabharlann an Ruiséalaigh, Má Nuad’, *Léachtaí Cholm Cille* 48, 67-93.

Ó Baoill, Colm. [1984]. ‘Trí Rainn agus Amhrán: A Bhreith agus a Bhás’, in Ó Máirtín, Micheál (ed.), *Meascra Uladh* 2, 259-61. Muineachán: An tÚltach.

Ó Baoill, Colm. 2007. ‘Scríobhaithe agus Saothrú an Léinn i dTuaisceart na hÉireann ó c.1300 i Leith: Tús Taighde’, *Léann* 1, 77-91.

Ó Baoill, Pádraig. 1992. *Saothar Shuimionn Uí Mhacaoin*. Tráchtas neamhfhoilsithe M.A., Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.

Ua Brádaigh, Tomás. 1960. ‘Peadar Dubh Ó Dálaigh, Fear Léinn agus Scríobhaí’, *Ríocht na Midhe* 2(2), 47-53.

Ua Brádaigh, Tomás. 1968. ‘Aodh Mac Domhnaill’, *Ríocht na Midhe* 4(2), 8-10.

Ó Buachalla, Breandán. 1962. *Clár na Lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlainn Phoiblí Bhéal Feirste*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta.

Ó Buachalla, Breandán. 1962-4. ‘Imthiacht Dheirdre la Naoise’, *Zeitschrift für Celtische Philologie* 29, 114-54.

Ó Buachalla, Breandán. 1964 (Nollaig). ‘Lámhscríbhinn a D’fhill’, *Feasta* 17(9), 6-8.

Ó Buachalla, Breandán. 1964-6. ‘Lámhscríbhinn Ghaeilge in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste’, *Éigse* 11, 197-200.

Ó Buachalla, Breandán. 1965. ‘Peadar Ó Doirnín agus Lucht Scríte a Bheatha’, *Studia Hibernica* 5, 123-54.

Ó Buachalla, Breandán. 1968. *I mBéal Feirste Cois Cuain*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 16].

Ó Buachalla, Breandán. 1969. *Peadar Ó Doirnín: Amhráin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta.

Ó Buachalla, Breandán. 1975. *Cathal Buí: Amhráin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta.

Ó Buachalla, Breandán. 1975-6. ‘Nótaí ar Ghaeilge an Tuaiscirt I’, *Éigse* 16, 285-316.



Ó Buachalla, Breandán. 1976. *Nua-Dhuanaire: Cuid II*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Buachalla, Breandán. 1977. *Léirmheas ar: Breifne* 4(14), *Dinnseanchas* 5(1-4), *Études Celtiques* 13, *Lochlann* 6, *Zeitschrift für Celtische Philologie* 32-3, *Celtica* 12, 211-22.

Ó Buachalla, Breandán. 1977a. 'Ní and Cha in Ulster Irish', *Ériu* 28, 92-141.

Ó Buachalla, Breandán. 1979. 'Art Mac Bionaid: Scríobhaí', *Seanchas Ard Mhacha* 9(2), 338-49.

Ó Buachalla, Breandán. 1982 (Samhradh). 'Arthur Brownlow: A Gentleman More Curious than Ordinary', *Ulster Local Studies* 7(2), 24-8.

Ó Buachalla, Breandán. 1983. 'The Prepositional Relative Clause in SE-Ulster Irish', *Celtica* 15, 69-77.

Ó Buachalla, Breandán. 1996. *Aisling Ghéar: Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn, 1603-1788*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 80].

Ó Buachalla, Breandán. 2009. 'Eighteenth-Century Irish Manuscripts' in Cunningham, Bernadette, Siobhán FitzPatrick & Petra Schnabel (eagí), *Treasures of the Royal Irish Academy*, 139-59. Dublin: Royal Irish Academy.

Ua Cadhla, Cormac. 1931 (Meán Fómhair). 'Geinealaghe Fearmanach', *Analecta Hibernica* 3, 62-150.

Ua Casaide, Seamus. 1911 (Nollaig). 'Post-Bag: Richard Plunket', *The Irish Book Lover* 3(5), 80.

O'Caseide, Seamus. 1920 (Eanáir – Feabhra). 'Nicholas O'Kearney', *The Irish Book Lover* 11(6-7), 64.

Ó Casaide, Séamus. 1927. 'Memoir of Patrick Lynch', *Journal of the Irish Folk Song Society* 22-3, xvii-xxv.

Ó Casaide, Séamus. 1928. 'A Rare Book of Irish and Scottish Gaelic Verse', *Bibliographical Society of Ireland* 3(6), 61-2.

Ó Casaide, Séamus. 1928a (Eanáir – Feabhra). 'John D'Alton's Manuscripts', *The Irish Book Lover* 16(1), 16-19.

O C[asaide], S[éamus]. 1928b (Eanáir – Feabhra). 'The Last Irish Scribe', *The Irish Book Lover* 16(1), 13-14.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1928c (Iúil – Nollaig). 'Crab's Irish Dictionary', *The Irish Book Lover* 16(4-6), 88.

O Casaide, Seamus. 1929. 'The Irish Language in Belfast & County Down, A.D. 1601 – A.D. 1850', *Down and Connor Historical Society's Journal* 2, 4-63.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1929a (Eanáir – Feabhra). 'Peadar Ó Gealacháin', *The Irish Book Lover* 17(1), 10-11.

O Casaide, Seamus. 1929b (Eanáir – Feabhra). 'Riostard Pluncead', *The Irish Book Lover* 17(1), 13-14.

O Casaide, Seamus. 1929c (Eanáir – Feabhra). 'The Schoolmasters of Ireland in 1824 & 1834', *The Irish Book Lover* 17(1), 11.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1929d (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). 'Riostard Pluncead', *The Irish Book Lover* 17(5), 115.

Ó Casaide, Séamus. 1929e (Samhain – Nollaig). ‘The Destruction of Irish MSS.’, *The Irish Book Lover* 17(6), 125.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1930 (Eanáir – Feabhra). ‘Destruction of Irish MSS.’, *The Irish Book Lover* 18(1), 30.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1930a (Bealtaine – Meitheamh). ‘Destruction of Irish MSS.’, *The Irish Book Lover* 18(3), 88.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1930b (Bealtaine – Meitheamh). ‘Láimhsgríbhinní Gaedhilge sa Róimh’, *The Irish Book Lover* 18(3), 79.

Ó Casaide, Séamus. 1930c (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Rev. Bernard Callan’, *The Irish Book Lover* 18(5), 140-2.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1930d (Samhain – Nollaig). ‘Rev. Bernard Callan’, *The Irish Book Lover* 18(6), 170.

Ó Casaide, Séamus. 1931 (Bealtaine – Meitheamh). ‘Irish Printing in Drogheda’, *The Irish Book Lover* 19(3), 78-81.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1931a (Bealtaine – Meitheamh). ‘Láimhsgríbhinní Gaedhilge sa Róimh’, *The Irish Book Lover* 19(3), 98.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1931b (Bealtaine – Meitheamh). ‘Rev. Bernard Callan’, *The Irish Book Lover* 19(3), 97-8.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1931c (Iúil – Lúnasa). ‘Irish-Speaking Booksellers in Dublin’, *The Irish Book Lover* 19(4), 111.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1931d (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘E. G. Finnerty’, *The Irish Book Lover* 19(5), 143-4.

Ó Casaide, Séamus. 1932 (Eanáir – Feabhra). ‘Peadar Ó Doirnin’, *The Irish Book Lover* 20(1), 17.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1932a (Bealtaine – Meitheamh). ‘Peadar Ó Doirín’, *The Irish Book Lover* 20(3), 52-4.

Ó Casaide, Séamus. 1932b (Samhain – Nollaig). ‘Thomas O’Dornin’, *The Irish Book Lover* 20(6), 139.

Ó Casaide, Séamus. 1933 (Bealtaine – Meitheamh). ‘John McNamara: A Collector of Irish MSS.’, *The Irish Book Lover* 21(3), 57-64.

Ó Casaide, Séamus. 1933a (Iúil – Lúnasa). ‘An Old Almanac’, *The Irish Book Lover* 21(4), 81-5.

Ó Casaide, Séamus. 1933b (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Dr. John O’Fergus’, *The Irish Book Lover* 21(5), 112.

Ó Casaide, Séamus. 1933c (Samhain – Nollaig). ‘Irish Professors in the Eighteenth Century’, *The Irish Book Lover* 21(6), 137-8.

Ó Casaide, Séamus. 1933d (Samhain – Nollaig). ‘Vallancey’s Irish Dictionary’, *The Irish Book Lover* 21(6), 131-2.

Ó Casaide, Séamus. 1934 (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘The Two Patrick Lynches’, *The Irish Book Lover* 22(5), 118.

Ó C[asaide], S[éamus]. 1934a (Samhain – Nollaig). ‘Irish Professors in the Eighteenth Century’, *The Irish Book Lover* 22(6), 143.

Ó Casaide, Séamus. 1934b (Samhain – Nollaig). ‘Peadar Dubh O Dálaigh’, *The Irish Book Lover* 22(6), 141-2.

- Ó Casaide, Séamus. 1936 (Márta – Aibreán). ‘Peadar Ó Gealacain’s Patron’, *The Irish Book Lover* 24(2), 42.
- Ó C[asaide], S[éamus]. 1936a (Bealtaine – Meitheamh). ‘Peadar O Gealacain’s Patron’, *The Irish Book Lover* 24(3), 61.
- Ó Casaide, Séamus. 1936b (Iúil – Lúnasa). ‘Arthur Brownlow and His MSS.’, *The Irish Book Lover* 24(4), 78-81.
- Ó C[asaide], S[éamus]. 1936c (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Peadar Dubh Ó Dálaigh’, *The Irish Book Lover* 24(5), 110-11.
- Ó Casaide, Seamus. 1936d (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Peadar Ó Gealacain’, *The Irish Book Lover* 24(5), 109-10.
- Ó Casaide, Séamus. 1937 (Bealtaine – Meitheamh). ‘A Genealogical Note on an Irish Poet’, *The Irish Book Lover* 25(3), 58.
- Ó Casaide, Séamus. 1938 (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Peadar Ó Gealacáin’s Patron’, *The Irish Book Lover* 26(2), 36.
- Ó Casaide, Séamus. 1938a (Samhain – Nollaig). ‘An tAthair Pól Ó Briain’, *The Irish Book Lover* 26(3), 63-4.
- Ó Casaide, Séamus. 1939 (Eanáir – Feabhra). ‘An Irish Scribe and the Almanacs’, *The Irish Book Lover* 26(4), 80-4.
- Ó Casaide, Séamus. 1940 (Samhain). ‘Irish Scholars in 1853’, *The Irish Book Lover* 27(5), 256-8.
- Ó Casaide, Séamus. 1941 (Meitheamh). ‘Beatha Chríod’, *The Irish Book Lover* 28(2), 44.

- Ó Casaide, Séamus. 1942 (Bealtaine). 'An Unrecorded Irish Book of 1716', *The Irish Book Lover* 28(5-6), 131-3.
- Ó Catháin, Diarmaid. 1988. 'John Fergus MD, Eighteenth-Century Doctor, Book Collector and Irish Scholar', *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 118, 139-62.
- Ó Ceallaigh, Séamus. 1946. 'Notes on Place-Names in Derry and Tyrone', *Celtica* 1(1), 118-40.
- Ó Ceallaigh, Séamus. 1951. 'A Preliminary Note on Some of the Nomenclature on the Map of S.E. Ulster Bound up with the Maps of Escheated Counties, 1610. (Stationery Office, Southampton, 1860)', *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 81(1), 37-43.
- Ó Ceallaigh, Seán. 1968. *Eoghan Ó Gramhnaigh: Beathaisnéis*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Ciardha, Pádraic P. 1977-8. 'Tadhg Ó Rodaighe', *Breifne* 5(18), 266-77.
- Ó Cléirigh, Tomás. 1938. 'A Parish Priest's MS.', *Bonaventura* 2, 49-58.
- Ó Cléirigh, Tomás. 1939. 'A Poem Book of the O'Donnells', *Éigse* 1, 51-61.
- Ó Cléirigh, Tomás. 1940. 'A Poem by Cathaoir Mac Cába' in Ryan, John (ed.), *Féil-Sgríbhinn Eóin Mhic Néill*, 89-92. Baile Átha Cliath: Comhartha na dTrí gCoinneal.
- Ó Concheanainn, Tomás. 1970. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 28. Dublin: Royal Irish Academy.

- Ó Con Cheanainn, Tomás. 2010. ‘Uí Dhiarmada agus a Sloinne (Ua Con Cheanainn)’, *Celtica* 26, 66-88.
- Ó Conchubhair, Pádraig. 1943-4. ‘Ceist, Freagra, Eólas agus Aighneas: 57 Charles Lynegar, Professor of Irish at TCD from 1708’, *Éigse* 4, 154.
- Ó Conchúir, Breandán. 1982. *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 41].
- Ó Conchúir, Breandán. 1991. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí: Cnuasach Uí Mhurchú*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- O’Connell, F. W. 1915. *An Irish Corpus Astronomiae: Being Manus O’Donnell’s Seventeenth Century Version of the Lunario of Geronymo Cortes*. London: David Nutt.
- O’Connell, Patricia. 1997. *The Irish College at Alcalá de Henares*. Dublin: Four Courts Press.
- O’Connell, Philip. 1937. *The Diocese of Kilmore: Its History and Antiquities*. Dublin: Browne & Nolan.
- O’Connell, Philip. 1942. *The Schools and Scholars of Breiffne*. Dublin: Browne and Nolan, Limited.
- O’Connell, Philip. 1959. ‘Sources for the Life of St. Mogue’, *Breifne* 1(2), 118-33.
- O’Conor, Charles. 1934 (Meán Fómhair). ‘Charles O’Conor of Belanagare: An Irish Scholar’s Education: Part II. A Visit to Dublin 1727-1728’, *Studies: An Irish Quarterly Review* 23(91), 455-69.

- Ó Corragáin, Peadar. [1974]. ‘Muineachán agus an Teanga Ghaeilge’ in s.n., *Énri Ó Muirgheasa* (1874—1945), 33-41. s.l.: Éigse Fhearnmhaí.
- Ó Corráin, Donnchadh. 2004. ‘Cad D’Imigh ar Lámhscríbhinní na hÉireann?’, *Léachtaí Cholm Cille* 34, 7-27.
- Ó Cróinín, Dáibhí. 1990. ‘Cead Pleanála á Lorg ag File’, *Celtica* 21, 456-60.
- Ó Cróinín, Dáibhí I. 1984. ‘A Poet in a Penetential Mood’, *Celtica* 16, 169-74.
- Ó Cuinneagáin, Liam. 1998 (Márta). ‘Lámhscríbhinní Gaeilge Éamainn Augustus Mhic Aonghusa’, *An tUltach* 75(3), 18-20.
- Ó Cuív, Brian. 1945-7. ‘Sgiathlúithreach an Choxaigh’, *Éigse* 5, 136-8.
- Ó Cuív, Brian. 1949. ‘A Manuscript by Peadar Ó Doirnín’, *The Irish Book Lover* 31(1), 6-8.
- Ó Cuív, Brian. 1950. ‘A Modern Irish Devotional Tract’, *Celtica* 1(2), 207-37.
- Ó Cuív, Brian. 1950a. ‘Flaithrí Ó Maolchonaire’s Catechism of Christian Doctrine’, *Celtica* 1(2), 161-206.
- Ó Cuív, Brian. 1954. ‘A Poem on the Í Néill’, *Celtica* 2(2), 245-51.
- Ó Cuív, Brian. 1954a. ‘Irish Translations of Thomas À Kempis’s *De Imitatione Christi*’, *Celtica* 2(2), 252-74.
- Ó Cuív, Brian. 1964-6. ‘Seón Mac Solaidh chun Riostaird Tuibear’, *Éigse* 11, 196.
- Ó Cuív, Brian. 1969-70. ‘A Seventeenth-Century Irish Manuscript’, *Éigse* 13, 143-52.
- Ó Cuív, Brian. 1969-70a. ‘The Numeral dóchad, dachad’, *Éigse* 13, 110.



- Ó Cuív, Brian. 1984. 'Some Items Relating to the McDonnells of Antrim', *Celtica* 16, 139-56.
- Ó Cuív, Brian. 2001. *Catalogue of Irish Language Manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries, Part 1: Descriptions*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Cuív, Brian. 2003. *Catalogue of Irish Language Manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries, Part 2: Plates and Indexes*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- O'Curry, Eugene. 1861. *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History Delivered at the Catholic University of Ireland, During the Sessions of 1855 and 1856*. Dublin: James Duffy.
- O'Daly, John. 1850.<sup>2</sup> *The Poets and Poetry of Munster: A Selection of Irish Songs by the Poets of the Last Century. With Poetical Translations by the Late James Clarence Mangan, Now for the First Time Published, With the Original Music, and Biographical Sketches of the Authors*. Dublin: John O'Daly.
- O'Daly, John. 1855. 'Ogham Inscriptions.—Evidence of Their Antiquity', *Ulster Journal of Archaeology*, Sraith I, 3, 9-13.
- Ó Dochartaigh, Cathair. 1982. 'The Praise of a Good Smith', *Ulster Folklife* 28, 4-12.
- Ó Dochartaigh, Cathair. 1987. *Dialects of Ulster Irish*. Belfast: Institute of Irish Studies, Queen's University Belfast. [Studies in Irish Language and Literature, 7].
- Ó Doibhlin, Diarmaid. 1999-2000. 'Na Lámhscríbhinní Caillte: Don. 7 agus Don. 8', *Seanchas Ard Mhacha* 18(1), 117-33.

Ó Doibhlin, Diarmaid. 2000. ‘Tyrone’s Gaelic Literary Legacy’ in Jeffries, Henry A. & Charles Dillon (eagí), *Tyrone: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 403-32. Dublin: Geography Publications. [History & Society, 14].

Ó Doibhlin, Diarmaid. 2006. ‘Eachtra Bhoc Bhaile Bionabaí’, *Seanchas Ard Mhacha* 21(1), 149-80.

Ó Domhnaill, Mághnus. [1938]. *An Bheatha Chrábhaidh: “De Theacht Isteach ar an mBeathaidh Chrábhaidh”*. *San Proinsias de Sales do Scríobh i Laidin sa Bhliadhain 1698; An tAthair Filip Ua Raghallaigh D’aistrigh go Gaedhilg sa Bhliadhain 1670. D’aithscríobh Eoghan Ó Raghallaigh an Leagan Gaedhilge sa Bhliadhain 1710, agus D’aithscríobh Duine Éigin Eile É sa Bhliadhain 1824. Is ón gCóib (Egerton MS. 121) atá sa British Museum a Deineadh an Scríbhinn don Leabhar so*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Domhnaill, S[eán] Pádraig. 1930. ‘Agallamh idir an Anam agus an Corp’, *Lia Fáil* 3, 37-86.

[Ó Donnchadha, Tadhg] (“Torna”). 1905 (Aibreán). ‘Nuid na Gaedhilge—X.’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(179), 777-9.

[Ó Donnchadha, Tadhg]. 1905a (Bealtaine). ‘Nuid na Gaedhilge XI’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(176), 795-7.

[Ó Donnchadha, Tadhg] (“Torna”). 1939. ‘Congantóirí Sheáin Uí Dhálaigh’, *Éigse* 1, 96-102.

Ó Donnchadha, Tadhg. [1940]. *An Leabhar Muimhneach maraon le Suim Aguisíní*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais. [Coimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann].

O'Donoghue, David J. 1896. *The Life of William Carleton: Being His Autobiography and Letters; and an Account of His Life and Writings, From the Point at Which the Autobiography Breaks Off ...*, Iml. 1. London: Downey & Co.

O'Donoghue, D. J. 1912. *The Poets of Ireland: A Biographical and Bibliographical Dictionary of Irish Writers of English Verse*. Dublin: Hodges, Figgis & Co., Ltd.

O'Donovan, John. 1844. *The Genealogies, Tribes and Customs of Hy Fiachrach, Commonly Called O'Dowda's Country*. Dublin: Irish Archaeological Society.

O'Donovan, John. 1845. *A Grammar of the Irish Language, Published for the Use of the Senior Classes in the College of St. Columba*. Dublin: Hodges and Smith.

O'Donovan, John. 1856. *Annala Rioghachta Eireann: Annals of the Kingdom of Ireland, by the Four Masters from the Earliest Period to the Year 1616*, Iml. 1. Dublin: Hodges, Smith & Co.

O'Donovan, John. 1856a. *Annala Rioghachta Eireann: Annals of the Kingdom of Ireland, by the Four Masters from the Earliest Period to the Year 1616*, Iml. 6. Dublin: Hodges, Smith & Co.

O'Donovan, John. 1861-2. 'The Lost and Missing Irish Manuscripts', *Ulster Journal of Archaeology*, Sraith I, 9, 16-28.

Ó Drisceoil, Proinsias. 2007. *Seán Ó Dálaigh: Éigse agus Iomarbhá*. Cork: Cork University Press.

Ó Dubhthaigh, Beárnard. 1958-61. ‘Agallamh Oisín agus Phádraig: “Lá Dhúinne ar Sliabh Fuaid”’, *Éigse* 9, 34-52.

Ó Dufaigh, Seán & Diarmaid Ó Doibhlin. 1989. *Nioclás Ó Cearnaigh: Beatha agus Saothar*. [Baile Átha Cliath]: An Clóchomhar, Tta.

Ó Dufaigh, Seosamh. 1962. ‘Cíos Mhic Mhathghamhna’, *Clogher Record* 4(3), 125-34.

Ó Dufaigh, Seosamh. 1966. *Comhairle Mhic Clamha ó Achadh na Muilleann: A Gaelic Satire*. Monaghan: Cumann Seanchais Chlochair.

Ó Dufaigh, Seosamh. 1969. ‘Gluaiseanna ó Mhuineachán le Foclóir Uí Raghallaigh’, *Clogher Record* 7(1), 108-14.

Ó Dufaigh, Seosamh. 1970. ‘Comhairle Comissarius na Cléire’, *Studia Hibernica* 10, 70-83.

Ó Dufaigh, Seosamh & Brian E. Rainey. 1981. *Comhairle Mhic Clamha ó Achadh na Muilleann / The Advice of Mac Clave from Aughnamullen*. Lille: Presses Universitaires de Lille.

Ó Duibhginn, Seosamh. 1972. *Séamas Mac Giolla Choille, Circa 1759-1828*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 19].

Ó Duibhinn, Ciarán. 1997. ‘The Irish Language in County Down’ in Proudfoot, Lindsay (ed.), *Down: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 431-87. Dublin: Geography Publications. [History and Society, 10].

Ó Duibhir, P. 1940. ‘An Dies Irae’, *Éigse* 2, 137-45.

Ó Duígneáin, Proinnsíós. 1986. ‘Hugh O Donnell of Larkfield—Patron of Gaelic Literature (1691-1754)’, *Breifne* 6(24), 390-4.

Ua Duinnín, Pádraig. 1917. *Me Guidhir Fhearmanach: The Maguires of Fermanagh .i. Maghnus agus Giolla Íosa*, “*Dhá Mhac Dhuinn Mhóir mic Raghnaill.*”  
Baile Átha Cliath: M. H. Gill agus a Mhac, Teor.

Ó Fachtna, Anselm. 1953. *Parrthas an Anma*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Fachtna, Anselm. 1961-3. “‘An Bheatha Chrábhaidh’ agus ‘An Bheatha Dhiaga’”, *Éigse* 10, 89-95.

Ó Fachtna, Anselm. 1967. *An Bheatha Dhiadha nó an tSlighe Ríoghda*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Fágáin, Pádraig. 1985. *Éigse na hIarmhí*. Baile Átha Cliath: Branar.

[Ó Fiaich], Tomás. 1954. ‘The Trial of Oliver Plunkett’, *Seanchas Ard Mhacha* 1(1), 193-6.

Ó Fiaich, Tomás. 1955. ‘The Son of Sir Phelim O’Neill’, *Seanchas Ard Mhacha* 1(2), 38-71.

Ó Fiaich, Tomás. 1957. ‘Láimhscríbhinn ó Chúige Uladh i Chicago’, *Seanchas Ard Mhacha* 2(2), 262-8.

Ó Fiaich, Tomás. 1958. ‘The Fall and Return of John Mac Moyer’, *Seanchas Ard Mhacha* 3(1), 51-86.

Ó Fiaich, Tomás. 1960. ‘Dán ar Phádraig Mac Síomóin’, *Reportorium Novum* 2(2), 288-97.

Ó Fiaich, Tomás. 1970. 'The Political and Social Background of the Ulster Poets', *Léachtaí Cholm Cille* [1], 23-33.

Ó Fiaich, Tomás. 1972. 'Art Mac Cooney and His Times', *Seanchas Ard Mhacha* 6(2), 217-50.

Ó Fiaich, Tomás. 1972a. 'The Ulster Poetic Tradition of the 19<sup>th</sup> Century', *Léachtaí Cholm Cille* 3, 20-37.

Ó Fiaich, Tomás. 1973. *Art Mac Cumhaigh: Dánta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta.

Ó Fiaich, Tomás. 1973a. 'Irish Poetry and the Clergy', *Léachtaí Cholm Cille* 4, 30-56.

Ó Fiaich, Tomás. 1974. 'The O'Neills of the Fews', *Seanchas Ard Mhacha* 7(2), 263-315.

Ó Fiaich, Tomás. 1975 (Samhain). 'Brian Kiernan's Lease: Ceapachán Viocáire Ghinearálta faoi na Péindlíthe', *The Maynooth Review / Revieú Mhá Nuad* 1(2), 17-23.

Ó Fiaich, Tomás. 1977. 'The O'Neills of the Fews', *Seanchas Ard Mhacha* 8(2), 386-413.

Ó F[iaich], T[omás] & F. J. H. 1959. 'Chronicle for 1958', *Seanchas Ard Mhacha* 3(2), 447-64.

Ó Fiaich, Tomás & Liam Ó Caithnia. 1979. *Art Mac Bionaid: Dánta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1961-3. ‘Seán mhac Torna Í Mhaoilchonaire agus “Eochairsgiath an Aifrinn”’, *Éigse* 10, 198-207.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1967. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*, Fasc. 4. Má Nuad: An Sagart.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1969. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*, Fasc. 6. Má Nuad: An Sagart.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1972. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*, Fasc. 7. Má Nuad: An Sagart.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1973. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*, Fasc. 8. Má Nuad: An Sagart.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1978. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge: Leabharlanna na Cléire agus Mionchnuasaigh*, Fasc. 1. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1980. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge: Leabharlanna na Cléire agus Mionchnuasaigh*, Fasc. 2. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1990. ‘Leabhair Chlóbhuailte ina bhFuil Téacsanna Lámhscríofa’, *Léachtaí Cholm Cille* 20, 140-2.

Ó Fiannachta, Pádraig & P. Ó Maoileachlainn. 1968. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*, Fasc. 5. Má Nuad: An Sagart.

Ó Floinn, Donnchadh. 1960. ‘An Dá Ghaeltacht’, *Irisleabhar Muighe Nuadhat* 1960, 9-19.

- Ó Gallachair, P. 1956. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 1(4), 137-60.
- Ó Gallachair, P. 1957. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 2(1), 170-91.
- Ó Gallachair, P. 1959. 'The First Maguire of Tempo', *Clogher Record* 2(3), 469-89.
- Ó Gallachair, P. 1960-1. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 4(1-2), 54-94.
- Ó Gallachair, P. 1967. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 6(2), 379-87.
- Ó Gallachair, P. 1969. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 7(1), 89-104.
- Ó Gallachair, P. 1976. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 9(1), 67-75.
- Ó Gallachair, P. 1982. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 11(1), 43-59.
- Ó Gallachair, P. 1984. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy of the Diocese of Clogher (1535-1835) (Continued)', *Clogher Record* 11(3), 374-86.
- O Gallchobhair, P. 1955. 'Clogherici: A Dictionary of the Catholic Clergy to the Diocese of Clogher (1535-1835)', *Clogher Record* 1(3), 66-87.
- Ó Gallchóir, Seán. 1971. *Séamus Dall Mac Cuarta: Dánta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta.



O'Grady, Standish Hayes. 1857. *Toruiheacht Dhiarmuda agus Ghrainne; or, The Pursuit after Diarmuid O'Duibhne, and Grainne the Daughter of Cormac Mac Airt, King of Ireland in the Third Century. Transactions of The Ossianic Society for the Year 1855*. Dublin: Ossianic Society.

O'Grady, Standish H. 1892. *Silva Gadelica (I.—XXXI.), A Collection of Tales in Irish with Extracts Illustrating Persons and Places: Irish Text*. London: Williams and Norgate.

O'Grady, Standish H. 1892a. *Silva Gadelica (I.—XXXI.): A Collection of Tales in Irish with Extracts Illustrating Persons and Places: Translation and Notes*. London: Williams and Norgate.

O'Grady, Standish Hayes. 1926. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum, Iml. 1*. London: Trustees of the British Museum.

Ó Háinle, Cathal. 1982-3. 'Ar Bhás Sheáin Uí Neachtain', *Éigse* 19, 384-94.

Ó Háinle, Cathal. 2005. 'Father Francis Leynagh's Letter (February 1725/6)', *Ríocht na Midhe* 16, 59-68.

Ó Háinle, Cathal. 2005a. 'Seán agus Tadhg Ó Neachtain: Cleamhnas agus Gaol', *Éigse* 35, 53-70.

Ó Háinle, Cathal. 2016. 'Gaeilge agus Béarla faoi Chló a Chéile: Jonathan Swift agus Seán is Tadhg Ó Neachtain' in Mac Mathúna, Liam & Regina Uí Chollatáin (*eagí*), *Saothrú na Gaeilge Scríofa i Suímh Uirbeacha na hÉireann, 1700-1850*, 1-45. Baile Átha Cliath: Ollscoil na hÉireann. [Éigse: Sraith Ócáideach Breise, 2].

- Ó Háinle, Cathal G. 1991. ‘A Life in Eighteenth-Century Dublin: Tadhg Ó Neachtain’, *Féile Zozimus* 1, 10-28.
- O’Hart, John. 1892<sup>5</sup>. *Irish Pedigrees; or, The Origin and Stem of the Irish Nation*, Iml. 1. Dublin: James Duffy and Co., Limited.
- Ó hUiginn, Ruairí. 1994. ‘Gaeilge Chonnacht’ in McCone, Kim, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams & Liam Breatnach (*eagí*), *Stair na Gaeilge in Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*, 539-609. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- Ó hUiginn, Ruairí. 2009. ‘An Nua-Rúraíocht’, in Mac Craith, Mícheál & Pádraig Ó hÉalaí (*eagí*), *Diasa Díograise: Aistí i gCuimhne ar Mháirtín Ó Briain*, 387-412. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Ó hUrmoltaigh, Seán. 1957 (Samhain). ‘Pól Ó Briain’, *Feasta* 10(8), 2, 20-1.
- O’Kearney, Nicholas. 1855. *Feis Tighe Chonain Chinn-Shleibhe; or the Festivities of the House of Conan of Ceann-Sleibhe, in the County of Clare. Transactions of The Ossianic Society for the Year 1854*. Dublin: Ossianic Society.
- O’Kearney, Nicholas. 1856. *The Prophecies of SS. Columbkille, Maeltamlacht, Ultan, Seadhna, Coireall, Bearcan, &c. together with the Prophetic Collectanea, or Gleanings of Several Writers who have Preserved Portions of the now Lost Prophecies of Our Saints, with Literal Translation and Notes*. Dublin: John O’Daly.
- Ó Labhraí, Joe. 2001. ‘Lámhscríbhinn Chaillte? Seanmóir ar an Bhreithiúnas Dheireanach, leis an Athair Hugh McFadden, Cloch Cheann Fhaola’, *Taighde agus Teagasc* 1, 41-67.

Ó Labhraí, Seosamh. 1999-2000. ‘Seanmóir ar Pháis Chríost’, *Seanchas Ard Mhacha* 18(1), 100-16.

O’Lavery, James. 1878. *An Historical Account of the Diocese of Down and Connor, Ancient and Modern*, Iml. 1. Dublin: James Duffy and Sons.

O’Lavery, James. 1895. *The Bishops of Down & Connor, Being the Fifth Volume of An Historical Account of Down and Connor, Ancient & Modern*. Dublin: James Duffy & Co., Ltd.

[Ó Lochlainn], Colm. 1932 (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘The Louvain Irish Type’, *The Irish Book Lover* 20(5), 103-4.

[Ó Lochlainn], Colm. 1936 (Bealtaine – Meitheamh). *Léirmheas ar: ‘Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy, [Fasc. 16-18]’*, *The Irish Book Lover* 24(3), 68-9.

Ó Lochlainn, Colm. 1939. *Tobar Fíorghlan Gaedhilge: Deismireachta na Teangadh, 1450-1853*. Baile Átha Cliath: Comhartha na dTrí gCoinneal.

[Ó Lochlainn], Colm. 1939a (Eanáir – Feabhra). ‘An Irish MS. and Some O’Donovan Letters’, *The Irish Book Lover* 26(4), 79.

[Ó Lochlainn], Colm. 1942 (Bealtaine). ‘The Last Irish Scribe’, *The Irish Book Lover* 28(5-6), 134.

[Ó Lochlainn], Colm. 1942a (Bealtaine). ‘Cúcoigcríche O Cleirigh’, *The Irish Book Lover* 28(5-6), 135.

[Ó Lochlainn], Colm. 1947 (Feabhra). ‘John O Clery 1778-1846’, *The Irish Book Lover* 30(2), 42-3.

- Ó Macháin, Pádraig. 1987. 'Rann ar Thadhg Dall', *Celtica* 19, 59-60.
- Ó Macháin, Pádraig. 1990. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 11. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Macháin, Pádraig. 1991. *Catalogue of Irish Manuscripts in Mount Melleray Abbey Co. Waterford*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Macháin, Pádraig. 1997. 'Additions to the Collection of Irish Manuscripts at Mount Melleray Abbey', *Éigse* 30, 92-108.
- Ó Macháin, Pádraig. 2000. 'Sir Walter Scott's Irish Manuscript', *Scottish Gaelic Studies* 20, 147-55.
- Ó Macháin, Pádraig. 2006. 'Scribal Practice and Textual Survival: The Example of Uilliam Mac Mhurchaidh', *Scottish Gaelic Studies* 22, 95-122.
- Ó Macháin, Pádraig. 2010. 'An Elegy for Seaán Óg Ó Dochartaigh', *Celtica* 26, 89-110.
- Ó Macháin, Pádraig. 2011. 'Fr Patrick Meany and the Dr Keating Society, 1860–1865', *Studia Hibernica* 37, 163-94.
- Ó Macháin, Pádraig. 2012. 'Fr Séamas Ó Muireadhaigh OP (c.1703-1767): An Irish Scribe and Poet at Louvain', *Seanchas Ard Mhacha* 24(1), 104-13.
- Ó Macháin, Pádraig. 2012a. 'Two Nugent Manuscripts: The Nugent Duanaire and Queen Elizabeth's Primer', *Ríocht na Midhe* 23, 121-42.
- Ó Macháin, Pádraig. 2016. 'Notes on the Decoration in the Duanaire of Cú Chonnacht Mág Uidhir', *Éigse* 39, 111-27.

- Ó Macháin, Pádraig. 2017. 'Two Poems by William Nugent', *Ríocht na Midhe* 28, 36-52.
- Ó Macháin, Pádraig & Nessa Ní Shéaghda. 1996. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, Fasc. 13. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Máille, Mícheál & Tomás Ó Máille. 1925<sup>2</sup>. *Amhráin Chlainne Gaedheal*, Cuid 1. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Máille, Tomás. 1916 [1915]. *Amhráin Chearbhalláin: The Poems of Carolan Together with other N. Connacht and S. Ulster Lyrics*. London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society, 17].
- Ó Mainnín, Mícheál B. 2012. 'Muintir Chianáin Ard Mhacha agus Borradh na dTeaghlach Léannta' in Mac Cárthaigh, Eoin & Jürgen Uhlich (eagí), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*, 697-719. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Ó Maitiú, Ciarán. 2013. 'Secrets from South Derry: The Historical Background of *Eachtra an Ghruagaigh*', *Seanchas Ard Mhacha* 24(2), 20-51.
- Ó Maolagáin, Pádraig. 1955. 'An Early History of Fermanagh', *Clogher Record* 1(3), 131-40.
- Ó Maolagáin, P[ádraig]. 1957. 'An Early History of Fermanagh (Continued)', *Clogher Record* 2(1), 50-70.
- Ó Maolagáin, Pádraig. 1963. 'A Fermanagh Manuscript', *Clogher Record* 5(1), 2-6.

Ó Maonaigh, Cainneach. 1944. *Smaointe Beatha Chríost .i. Innsint Ghaelge a Chuir Tomás Gruamdha Ó Bruacháin (fl. c. 1450) ar an Meditationes Vitae Christi*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léighinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Maonaigh, Cainneach. 1952. *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Maonaigh, Cainneach. 1962. ‘Scríbhneoirí Gaeilge an tSeachtú hAois Déag’, *Studia Hibernica* 2, 182-208.

Ó Maonaigh, Cainneach. 1965. *Seanmóna Chúiige Uladh*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Mearáin, Lorcán. 1963. ‘Schools in County Monaghan, 1824-1826’, *Clogher Record* 5(1), 63-95.

Ó Mórdha, Pilip B. 1991. ‘Some MacMahon Wills from Clogher Diocese’, *Clogher Record* 14(1), 27-36.

Ó Mórdha, Séamus P. 1957. ‘Arthur Bennett’s Correspondence with Robert S. Mac Adam’, *Seanchas Ard Mhacha* 2(2), 360-89.

Ó Mórdha, Séamus P. 1957a. ‘Maurice O’Gorman in Monaghan: A Second Poem on Fr. Francis Mac Mahon’, *Clogher Record* 2(1), 20-4.

Ó Mórdha, Séamus P. 1958. ‘Irish Manuscripts in St. Macarten’s Seminary, Monaghan’, *Celtica* 4, 279-287.

Ó Mórdha, Séamus P. 1958a. ‘Miscellanea: I. Mathew Kennedy of “The Spiritual Rose”’, *Clogher Record* 2(2), 263-4.

- Ó Mórdha, Séamus P. 1958*b*. ‘Miscellanea: IV. The Irish Language in Aghaboy Parish 1835’, *Clogher Record* 2(2), 266-8.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1958*c*. ‘Robert S. Mac Adam’s Louth Correspondents (1831-1845)’, *Seanchas Ard Mhacha* 3(1), 155-77.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1958*d*. ‘Tuireamh ó Chondae an Chabháin’, *Celtica* 4, 273-8.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1958-61. ‘The Irish Manuscripts of Edward O’Reilly’, *Éigse* 9, 132.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1959. ‘Simon Macken: Fermanagh Scribe and Schoolmaster’, *Clogher Record* 2(3), 432-44.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1961. ‘Lámhscríbhinní Gaeilge i gColáiste Phádraig’, *Studia Hibernica* 1, 172-94.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1962. ‘Leabhar Bhantiarna Inis Ceithleann’, *Studia Hibernica* 2, 218-20.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1963. ‘Udar *Toruidheacht na Bhfireun air Lorg Chríosda*’, *Studia Hibernica* 3, 155-72.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1971. ‘Tuireamh ó Chontae an Chabháin: Nótaí Breise’, *Celtica* 9, 215-16.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1980. ‘Fiachra Mac Brádaigh, Poet and Scribe of Central Cavan’, *The Heart of Breifne* 1(3), 4-23.
- Ó Mórdha, Séamus P. 1982. ‘Some Aspects of the Literary Tradition of the Breifne-Fermanagh Area’, *Breifne* 6(21), 18-56.

Ó Mórdha, Séamas P. 1986. 'Charlotte Brooke: Her Background and Achievement', *Breifne* 6(24), 220-40.

Ó Mórdha, Séamus P. 1986a. 'Seán Ó Cléirigh from Drung and His Manuscripts', *The Heart of Breifne: I gCeartlár Bréifne* 3(1), 105-12.

Ó Mórdha, Séamus P. 2004. 'Manuscripts and Scribal Traditions in Meath', *Ríocht na Midhe* 15, 66-82.

Ua Muireadhaigh, Lorcán. 1925. *Amhráin Sheumais Mhic Chuarta: An Cheud Chuid*.  
Sráid Bhaile Dhún Dealgan: Preas Dhún Dealgan.

Ó Muireadhaigh, Réamonn. 1970. 'Lámhscríbhinn agus Blúirí Eile ó Mhainistir Bhuithe', *Seanchas Ard Mhacha* 5(2), 397-400.

Ó Muireadhaigh, Réamonn. 1972. 'Farm Account Books, 1802-1860, from Gaulstown Monasterboice', *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 17(4), 235-49.

Ó Muireadhaigh, Réamonn. 1974. 'Lámhscríbhinn as Contae an Chláir sa Tuaisceart', *Seanchas Ard Mhacha* 7(2), 259-62.

Ua Muirgheasa, Énrí. 1904 (Nollaig). 'Leabhar an Domhnallaigh', *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(171), 695.

Ua Muirgheasa, Énrí. 1905. *Greann na Gaedhilge: An Ceathramhadh Cuid*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge. [Leabhairíní Gaeilge le hAghaidh an tSluaigh, 16].

Ó Muirgheasa, Énrí. 1905a (Márta). 'Catalogue and Contents of Irish MSS. in My Possession', *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(174), 754-5.



Ó Muirgheasa, Énrí. 1905*b* (Aibreán). ‘Catalogue and Contents of Irish MSS. in My Possession’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(175), 765-8.

[Ó Muirgheasa, Énrí]. 1905*c* (Meitheamh). ‘Catalogue and Contents of Some Other Northern MSS.: MacCabe’s Manuscripts’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(177), 808.

Ua Muirgheasa, Énrí. 1905*d* (Meitheamh). ‘Manuscripts Belonging to James Coyle, Dungimmon, Mountnugent, Co. Cavan’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(177), 808-9.

Ua Muirgheasa, Énrí. 1905*e* (Iúil). ‘Manuscripts Belonging to Jas. Coyle, Dungimmon, Mountnugent, Co. Cavan’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(178), 835-7.

Ua Muirgheasa, Énrí. 1912. *Ceithearnach Uí Dhomhnaill nó Eachtra an Cheithearnaigh Chaoil-Riabhaigh do Réir Druinge*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

Ua Muirgheasa, Énrí. 1912*a*. ‘Fáilte do’n Tighearna Townsend: Welcome to Viscount Townsend, Composed by Maurice O Gorman’, *Journal of the County Louth Archaeological Society*, 3(1), 80-2.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1915. *Céad de Cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath: M. H. Mac Giolla agus a Mhac.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1916. *Abhráin Airt Mhic Cubhthaigh agus Abhráin Eile*. Dundalk: Dundalgan Press.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1916*a*. ‘Lament for Brian, Son of Coll MacMahon’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 4(1), 70-5.

Ó Muirgheasa, Enrí. 1928. ‘Peter Galligan’s Visit to Belfast’, *Journal of the County Louth Archaeological Society* 6(4), 265-9.

Ó Muirgheasa, Enrí. 1931 (Eanáir – Feabhra). ‘Rev. Bernard Callan’, *The Irish Book Lover* 19(1), 27.

Ó Muirgheasa, Énrí. [1933]. *Amhráin na Midhe: Cuid a hAon*. Baile Átha Cliath: Cómhlucht Oideachais na hÉireann.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1934. *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Muirgheasa, Enri. 1934a (Eanáir – Feabhra). ‘Peadar Dubh O Dálaigh, Irish Scribe’, *The Irish Book Lover* 22(1), 6-7.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1934b (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair). ‘Peadar O Dálaigh’, *The Irish Book Lover* 22(5), 114.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1936. *Dánta Diadha Uladh*. Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1937 (Iúil – Nollaig). ‘Thomas O’Connor of the Ordnance Survey’, *The Irish Book Lover* 25(4-6), 81-4.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1939. ‘Matha Mórdha Ua Graeme’, *Éigse* 1, 183-4.

Ó Muirgheasa, Énrí. 1976 [1907]. *Seanfhocail Uladh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Muirgheasa, Énrí. 2015.<sup>2</sup> *Amhráin na Midhe: Cuid a hAon; Athchóiriú agus Aistriúcháin le Lesa Ní Mhunghaile*. Droichead Átha: Cumann Seandálaíochta agus Staire na Mí.

Ó Muirgheasa, Énrí & S[éamus] O C[asaide]. 1929 (Eanáir – Feabhra). ‘Eugene Guilford Finnerty’, *The Irish Book Lover* 17(1), 23.

- Ó Muirí, Daithí. 2014. 'Peadar Ó Muireadhaigh agus Bunú na Chéad Chraoibhe de Chonradh na Gaeilge i gContae na Mí', *Léachtaí Cholm Cille* 44, 73-103.
- Ó Muirí, Réamonn. 1969. 'Lámhscríbhinn ó Cho. Lú', *Seanchas Ard Mhacha* 5(1), 128-32.
- Ó Muirí, Réamonn. 1978. 'Lámhscríbhinn Staire an Bhionadaigh', *Seanchas Ard Mhacha* 9(1), 123-7.
- Ó Muirí, Réamonn. 1994. *Lámhscríbhinn Staire an Bhionadaigh: Comhrac na nGael agus na nGall le Chéile*. Muineachán: Éigse Oiriaila.
- Ó Muirí, Réamonn. 2004. 'Gnéithe de Chanúint an Bhionadaigh' in Mac Giolla Chomhaill, Anraí (eag.), *Meascra Uladh* 3, 121-43. Muineachán: An tUltach.
- Ó Muirí, Réamonn. 2011. 'The Gaelic Manuscripts in the Ó Fiaich Library / Archive', *Seanchas Ard Mhacha* 23(2), 66-75.
- Ó Muiríthe, Diarmaid. 1991. 'Prayers for O'Connell and Emancipation', *Éigse* 25, 102-4.
- Ó Muiríthe, Diarmaid. 1993. 'An tAthair Pól Ó Briain', *Léachtaí Cholm Cille* 23, 8-43.
- Ó Muiríthe, Déaglán. 1988-9. 'Two Poems by Peter Gallegan', *Ríocht na Midhe* 8(2), 94-101.
- Ó Muraíle, Nollaig. 1987. 'The Autograph Manuscripts of the Annals of the Four Masters', *Celtica* 19, 75-95.
- Ó Muraíle, Nollaig. 2004. 'Athchuart ar Lámhscríbhinní Chonnacht', *Léachtaí Cholm Cille* 34, 28-114.

- Ó Muraíle, Nollaig. 2005. ‘The Learned Family of Ó Cianáin / Keenan’, *Clogher Record* 18(3), 387-436.
- Ó Muraíle, Nollaig. 2006. ‘Séamus Mág Uidhir: A Scribe of Bréifne and His Work’, *Breifne* 10(42), 208-26.
- Ó Muraíle, Nollaig. 2010. ‘The Irish Genealogies—An Overview and Some Desiderata’, *Celtica* 26, 128-45.
- Ó Muraíle, Nollaig. 2016. ‘Saothrú na Gaeilge in Dhá Phríomhbhaile Chonnacht i dTús an 18ú hAois’ in Mac Mathúna, Liam & Regina Uí Chollatáin (*eagí*), *Saothrú na Gaeilge Scríofa i Suímh Uirbeacha na hÉireann, 1700-1850*, 114-39. Baile Átha Cliath: Ollscoil na hÉireann. [Éigse: Sraith Ócáideach Breise, 2].
- Ó Néill, Séamus. 1966 (Earrach). ‘The Hidden Ulster: Gaelic Pioneers of the North’, *Studies: An Irish Quarterly Review* 55(217), 60-6.
- O’Rahilly, Cecile. 1924 [1922]. *Tóruigheacht Gruaidhe Griansholus: The Pursuit of Gruaidh Ghriansholus*. London: Simpkin, Marshall, Hamilton, Kent & Co. [Irish Texts Society, 24].
- O’Rahilly, Cecile. 1952. *Five Seventeenth-Century Political Poems*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- O’Rahilly, Cecile. 1955. *Trompa na bhFlaitheas*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- O’Rahilly, Cecile. 1961. *The Stowe Version of Táin Bó Cuailnge*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- O’R[ahilly], T. F. 1913. “‘Cad do Cham Srón Firín?’”, *Gadelica* 1(3), 188-9.

O’Rahilly, T. F. 1913*a*. ‘Irish Scholars in Dublin in the Early Eighteenth Century’, *Gadelica* 1(3), 156-62.

O’Rahilly, T. F. 1913*b*. *Léirmheas ar: ‘Ceithearnach Uí Dhomhnaill nó Eachtra an Cheithearnaigh Chaoil-Riabhaigh’*, *Gadelica* 1(3), 204-8.

O’Rahilly, Thomas F. 1921. *Dánfhocail: Irish Epigrams in Verse*. Dublin: Talbot Press, Limited.

O’Rahilly, Thomas F. 1921-4. ‘Irish Poets, Historians, and Judges in English Documents, 1538-1615’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 36C, 86-120.

O’Rahilly, Thomas F. 1925. *Búrdúin Bheaga: Pithy Irish Quatrains*. Dublin: Browne & Nolan.

O’Rahilly, Thomas F. 1926. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 1. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

O’Rahilly, Thomas F. 1927. *Measgra Dánta: Miscellaneous Irish Poems*. Dublin: Cork University Press.

O’Rahilly, Thomas F. 1932. *Irish Dialects Past and Present with Chapters on Scottish and Manx*. Dublin: Browne and Nolan.

O’Rahilly, T. F. 1950. ‘Varia II’, *Celtica* 1(2), 328-86.

Ua Rathghaille, ———. 1905 (Meán Fómhair). ‘Na Bearta Cruaidhe’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 15(1), 12-13.

Ó Rathile, Tomás. 1926.<sup>2</sup> *Dánta Grádha: Cnósach de sna Dánta Grá is Fearr san Ghaelge (A.D. 1350-1750): Cuid I., An Teux / Dánta Grádha: An Anthology of Irish Love Poetry (A.D. 1350-1750): Part I., Text*. Bleácliath: Cló Ollsgoile Chorcaí.

O'Reilly, Edward. 1820. *Transactions of the Ibero-Celtic Society for 1820. Vol. I.—Part I. Containing a Chronological Account of Nearly Four Hundred Irish Writers, Commencing with the Earliest Account of Irish History, and Carried Down to the Year of Our Lord 1750; With a Descriptive Catalogue of Such of Their Works as are Still Extant in Verse or Prose, Consisting of Upwards of One Thousand Separate Tracts.* Dublin: Ibero-Celtic Society.

Ó Riain, Gordon. 2011. 'Varia III: Quatrains Relating to the Controversy of the Red Hand', *Ériu* 61, 171–178.

Ó Riain, Pádraig. 1968. *Clár na Lámhscríbhinní Gaeilge sa Bhreatain Bhig.* Baile Átha Cliath: Cló Bhréanainn.

Ó Saothraí, Séamus. [1974]. 'William Neilson, D.D., M.R.I.A., 1774-1821' in Mac Giolla Chomhaill, Anraí (eag.), *Meascra Uladh* [1], 80-8. Muineachán: An tUltach.

Ó Saothraí, Séamus. 1989. 'William Neilson DD MRIA (1774-1821)', *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 22(1), 20-8.

Ó Saothraí, Séamus. 1992. *An Ministir Gaelach: Uilliam Mac Néill (1774-1821), agus an Oidhreacht a D'fhág sé Againn.* Baile Átha Cliath: Coiscéim.

O'Shea, P. J. 1895 (Eanáir). 'Irish Manuscripts in the Museum, College Square, Belfast', *Ulster Journal of Archaeology*, Sraith II, 1(2), 106-110.

Ó Snodaigh, Pádraig. 1977. *Hidden Ulster: The Other Hidden Ireland.* Baile Átha Cliath: Clodhanna.

Ó Súilleabháin, Pádraig. 1957. *Beatha San Froinsias.* Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Súilleabháin, Pádraig. 1962. *Lucerna Fidelium*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ua Súilleabháin, Seán. 2002. 'Glac Bheag Focal', *Éigse* 33, 173-8.

O'Sullivan, D. J. 1932. 'The Bunting Collection of Irish Folk Music and Songs, From the Original Manuscripts, Part IV', *Journal of the Irish Folk Song Society* 26, 1-107.

O'Sullivan, Donal. 1943-4. 'A Courtly Poem for Sir Richard Cox (Cormac an Chúil mac Mhathabhain Uí Luinín cc.)', *Éigse* 4, 284-7.

O'Sullivan, Harold. 1992. 'The Jacobite Ascendancy and Williamite Revolution and Confiscations in County Louth 1684-1701', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 22(4), 430-45.

O'Sullivan, William. 1976. 'The Irish Manuscripts in Case H in Trinity College Dublin Catalogued by Matthew Young in 1781', *Celtica* 11, 229-50.

O'Sullivan, William. 1985-6. 'Medieval Meath Manuscripts', *Ríocht na Midhe* 7(4), 3-21.

O'Sullivan, William. 1987. 'Additional Meath Manuscripts', *Ríocht na Midhe* 6(1), 68-70.

O'Sullivan, William. 1999. 'The Book of Domhnall Ó Duibhdábhoireann, Provenance and Codicology', *Celtica* 23, 276-299.

O'Sullivan, William. 1999a. 'The Slane Manuscript of the Four Masters', *Ríocht na Midhe* 10, 78-85.

Ua Tuathail, Domhnall. 1915. *Tóraidheacht na bhFireun air Lorg Chríosta: I gCeithre Leabhraibh: Tomas à Cempis a Sgríobh san Laidin; Aig so an Chéad Aistriúghadh Gaedhilge, Sagart Éigin i n-Aice le Dún Phádraig i gCo. an Dúin a D'aistrigh*, 1762. Baile Átha Cliath: M. H. Mac Guill agus a Mhac.

Ó Tuathail, Éamonn. [1923]. *Rainn agus Amhráin*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nóláin, Teor.

Ó Tuathail, Éamonn. [1925]. 'Dhá Thaidhbhreadh do Chúm Aodh Mhac Domhnaill', *Lia Fáil* [1], 108-25.

Ó Tuathail, Éamonn. 1927 (Meitheamh). 'Sgéal Chrófair na Cruite Uí Chear'láin', *Béaloideas* 1(1), 64-5.

Ó Tuathail, Éamonn. 1931. 'The Contents of the Gallegan MS. in the Library of the University of Edinburgh', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 7(3), 390-401.

Ó Tuathail, Éamonn. 1932. 'The Contents of the Gallegan MS. in the Library of the University of Edinburgh', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 7(4), 532-45.

Ó Tuathail, Éamonn. 1932a. 'The Surnames in the Parish of Upper Cregan (South Armagh)', *Béaloideas* 3(4), 401-8.

Ó Tuathail, É[amonn]. 1932b. 'Varia. A Note on Peter Gallegan's MSS.', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 7(4), 556.

Ó Tuathail, Éamonn. 1934 (Márta – Aibreán). 'The Bennett Family of Forkhill, Co. Armagh', *The Irish Book Lover* 22(2), 32.



- Ó Tuathail, Éamonn. 1934a (Bealtaine – Meitheamh). ‘A Northern Manuscript’, *The Irish Book Lover* 22(3), 54-5.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1935 (Eanáir – Feabhra). ‘Toirrdhealbhadh Luineach Ó Néill’, *The Irish Book Lover* 23(1), 14.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1936 (Márta – Aibreán). ‘Arthur Brownlow and His MSS.’, *The Irish Book Lover* 24(2), 26-8.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1936a (Bealtaine – Meitheamh). ‘On the Sgáthán Spioradálta’, *The Irish Book Lover* 24(3), 51-3.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1939. *Léirmheas ar: Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta*, *Éigse* 1, 150-6.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1939a. ‘Miscellanea’, *Éigse* 1, 29-39.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1940. “‘Abhrán. Éadhmonn Ó Caiside cc.’”, *Éigse* 2, 248-9.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1940a. ‘Notes on the O’Cassidy Scribes’, *Éigse* 2, 163-6.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1940b. ‘Nugentiana’, *Éigse* 2, 4-14.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1941-2. ‘A Lament for Art Óg, Pádraig and Brian Mhag Mathghamhna’, *Éigse* 3, 130-41.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1943-4. ‘Aisling na Binne Buirbe’, *Éigse* 4, 112-17.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1943-4a. ‘Meath Anecdotes’, *Éigse* 4, 9-14.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1945-7. ‘A Meath Phrase-List in Hugh McDonnell’s Handwriting’, *Éigse* 5, 36-44.

Ó Tuathail, Éamonn. 1948-52. 'The River Shannon Poetically Described by Michael Brennan', *Éigse* 6, 193-240.

Ó Tuathail, Éamonn. 1950 (Aibreán). 'Gradam do Dhomhnall Ó Mhaoilriain', *An tUltach* 26(4), 9.

O Tuathail, Eamonn. 1950a (Iúil). 'Danta de Chuidh [sic] Uladh: V. Róis Nic an Bhaird', *An tUltach* 26(7), 9-10.

Ó Tuathail, Éamonn. 1950b (Lúnasa). 'Dánta de Chuid Uladh: Tuairreamh Bhríd Nic an Ró', *An tUltach* 27(8), 3-4.

Ó Tuathail, Éamonn. 1951 (Feabhra). 'Danta de Chuid Uladh: XII. Sláinte na Mná Gaedhealaidhe', *An tUltach* 28(2), 7.

Ó Tuathail, Éamonn. 1951a (Meán Fómhair). 'Is Mé Suibhne Ghlinne Fearna', *An tUltach* 28(8), 5.

Ó Tuathail, Éamonn. 1952 (Deireadh Fómhair). 'Danta de Chuid Uladh: Tuireamh Mhaly Ní Bhruin', *An tUltach* 29(10), 8-9.

Ó Tuathail, Éamonn. 1952a (Nollaig). 'Danta de Chuid Uladh: Tuireamh Mhaly Ní Bhruin', *An tUltach* 29(12), 12.

Ó Tuathail, Éamonn. 1953 (Lúnasa). 'Danta de Chuid Uladh: Sochair na hAimsire', *An tUltach* 30(8), 11-12.

Ó Tuathail, Éamonn. 1954 (Feabhra). *Léirmheas ar: An Teach a nDearnadh Ballóg De*, *An tUltach* 31(2), 9.

Ó Tuathail, Éamonn. 1956. 'Farney Men of 1601: Fiants of Elizabeth, No. 6563', *Clogher Record* 1(4), 108-12.

- Ó Tuathail, Éamonn. 1956a (Márta). ‘As Lámhscríbhinn de Chuid Uí Ghealacáin: Dialogue—Master & Scholar’, *An tUltach* 33(3), 12.
- Peddie, R. A. 1910 (Feabhra). ‘MSS. Relating to Ireland in the Libraries of France’, *The Irish Book Lover* 1(7), 86-7.
- Petrie, George. 1830 [1831]. ‘Remarks on the History and Authenticity of the Autograph Original of the Annals of the Four Masters, now Deposited in the Library of the Royal Irish Academy’, *Transactions of the Royal Irish Academy* 16, 381-93.
- Petrie, George. 1839. ‘Remarks on the Book of Mac Firbis, an Irish Manuscript Lately Transcribed for the Academy’, *Transactions of the Royal Irish Academy* 18, 3-13.
- Piatt, Donn. [1933]. *Dialect in East and Mid-Leinster Gaelic Survivals Containing Numerous Place-Names as Spoken by the People, and Several Hundred Local Gaelic Words with Pronunciation*. s.l.: s.n.
- Piatt, Donn. 1934 (Eanáir – Feabhra). ‘The Last Irish Speakers’, *The Irish Book Lover* 22(1), 12.
- Piatt, Donn S. 1952 (Meitheamh). ‘Giotai de Ghaeilg Dhuchasach na Midhe’, *An tUltach* 29(6), 11-12.
- Piatt, Donn S. 1985 [1957]. *Mhaireadar san Ardchathair*. Baile Átha Cliath: F. Á. S.
- Pilson, J. A. 1846. *History of the Rise and Progress of Belfast: And Annals of the County Antrim, From the Earliest Period till the Present Time, Compiled from the Most Authentic Records*. Belfast: Hodgson, Greer, &c.

Plunthead, Riostard. 1791. *An Hymn, on the Life of St. Patrick: Extracted from the Ancient Scytho-Celtic Dialect into Modern Irish, by Richard Plunket, Late Translator of the New Testament into Irish, Who has Now the Manuscript in His Possession / Himhin Phadruig Absdal. Do cumadh re Feiche Easbuig Shleibhte a gCondae na Banrioghna, Disciobal agus Fear Comhaimsire do Phadruig Fein. Air na Mhineadh go Deighneach san Nuaghaidhilig re Riostard Plunthead.*

Beulathecliath: s.n.

Pollard, M. 2000. *A Dictionary of Members of the Dublin Book Trade, 1550-1800: Based on the Records of the Guild of St Luke the Evangelist, Dublin.* London: Bibliographical Society.

Power, Maura. 1914 [1912]. *An Irish Astronomical Tract, Based in Part on a Mediæval Latin Version of a Work by Messahalāh.* London: Irish Texts Society. [Irish Texts Society, 14].

Power, P. 1904 (Nollaig). 'Irish MSS. in Waterford—VI', *Irisleabhar na Gaedhilge* 14(171), 692-695.

Quigley, Christy. 1994. 'Presentation School – Girls Roll Book, 1822-1839', *Journal of the Old Drogheda Society* 9, 64-105.

Quin, Cosslett. 1939 (Bealtaine). 'A Manuscript Written in 1709 by Charles Lynegar for John Hall, Vice-Provost of Trinity College, Dublin', *Hermathena* 53, 127-37.

Quin, Cosslett. 1961-3. 'A Pedigree of the O Dempsey Family', *Éigse* 10, 309-12.

Regan, Joseph P. 1959. 'Church Building at Belleek', *Seanchas Ard Mhacha* 3(2), 430-40.

- Risk, M. H. 1966 (Earrach). ‘Charles Lynegar, Professor of the Irish Language 1712’, *Hermathena* 102, 16-25.
- Risk, May H. 1975. ‘Seán Ó Neachtain: An Eighteenth-Century Irish Writer’, *Studia Hibernica* 15, 47-60.
- R[ussell], M. 1895 (Samhain). ‘Contributions to Irish Biography. No. 29—James Duffy the Publisher’, *The Irish Monthly* 23(269), 596-602.
- R[ussell], M. 1905 (Iúil – Nollaig). ‘Piscatores Hominum: A Belated Note’, *The Irish Ecclesiastical Record*, Sraith IV, 18, 455-7.
- Russell, Arthur. 2016. ‘Owen Smith—A Vital Link with the Ancient Learning and History of North Meath’, *Ríocht na Midhe* 27, 159-94.
- Ryan, Salvador. 2004. ‘Bonaventura Ó hEoghusa’s “An Teagasg Críosaíde” (1611/1614): A Reassessment of Its Audience and Use’, *Archivium Hibernicum* 58, 259-67.
- Schlegel, Donald M. 1988. ‘Father Philip McArdle and His Family’, *Clogher Record* 13(1), 128-30.
- Scurry, James. 1828. ‘Remarks on the Irish Language; with a Review of Its Grammars, Glossaries, Vocabularies and Dictionaries; To Which is Added, a Model of a Comprehensive Irish Dictionary’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 15, 1-86.
- Sharpe, Richard. 2013. ‘Muiris Ó Gormáin’s Book-Lists and T. F. O’Rahilly’, *Celtica* 27, 114-18.

Sharpe, Richard. 2015. 'Seán Ó Cléirigh and His Manuscripts' in Moran, Pádraic & Immo Warntjes (*eagí*), *Early Medieval Ireland and Europe: Chronology, Contracts, Scholarship; A Festschrift for Dáibhí Ó Cróinín, 645-70*. Turnhout: Brepols. [Studia Traditionis Theologiae: Explorations in Early and Medieval Theology, 14].

Sharpe, Richard. 2016. 'Manuscript by Subscription: Muiris Ó Gormáin and the Annals of the Four Masters', *Éigse* 39, 199-208.

Sharpe, Richard. 2017. 'Destruction of Irish Manuscripts and the National Board of Education', *Studia Hibernica* 43, 95-116.

Sharpe, Richard. 2017a. 'Richard Plunket (fl. 1772-1791): "A Neglected Genius of the County of Meath"', *Ríocht na Midhe* 28, 191-203.

Sharpe, Richard. 2017b (Earrach). 'The Duke of Sussex's Irish Manuscript (Rylands Irish MS 22)', *Bulletin of the John Rylands Library* 93(1), 121-30.

Simms, Katharine. 1977. 'The Medieval Kingdom of Lough Erne', *Clogher Record* 9(2), 126-41.

Simms, Katharine. 1998. 'Charles Lynegar, the Ó Luinín Family and the Study of Seanchas' in Barnard, Toby, Dáibhí Ó Cróinín & Katharine Simms (*eagí*), 'A *Miracle of Learning*': *Studies in Manuscripts and Irish Learning. Essays in Honour of William O'Sullivan*, 266-83. Aldershot: Ashgate.

Smith, Peter. 2012. 'An Early Eighteenth-Century Ó Néill Poem-Book', *Studia Hibernica* 38, 117-40.

Smith, Peter. 2017. 'Writing in Irish in County Monaghan: Thirteen Hundred Years of Tradition' in Duffy, Patrick J. & Éamonn Ó Ciardha (*eagí*), *Monaghan: History*

*and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 317-65.

Dublin: Geography Publications. [History and Society].

Stern, Ludw. Chr. 1899. 'Ueber Eine Sammlung Irischer Gedichte in Kopenhagen',

*Revue Celtique* 2, 323-72.

Stokes, Whitley. 1806. *Observations on the Necessity of Publishing the Scriptures in*

*the Irish Language*. Dublin: Wm. Watson.

Stokes, Whitley. 1909. *In Cath Catharda: The Civil Wars of the Romans*. [Irische

*Texte* 4(2)].

Strickland, Walter G. 1913. *A Dictionary of Irish Artists*, Iml. 2: L.-Z. London:

Maunsel & Company Limited.

Traynor, O. F. 1971. 'More Kilmore Clergy Lists', *Breifne* 4(14), 200-7.

Tynan, Michael. 1974 (Nollaig). 'The End of an Era', *The Furrow* 23(12), 660-71.

*Ua* → *Ó*

Uí Chuinn, Úna. 2010. 'Pádraig Ó Loingsigh [1756?-1838]: Giolla agus Guailí

Bunting', *Léachtaí Cholm Cille* 40, 30-46.

Uí Mhéalóid, Madeleine. 1998. 'Agnes O'Farrelly Crusader for a Gaelic Ireland

1874-1951', *Breifne* 8([34]), 841-76.

Wall, Thomas. 1955. 'Archbishop John Carpenter and the Catholic Revival',

*Reportorium Novum* 1(1), 173-82.

Walsh, Paul. 1928 (Bealtaine). 'Bas Cearbhail and Farbhlaidhe', *Irisleabhar*

*Mhuighe Nuadh* 28, 26-45.

- Walsh, Paul. 1933<sup>2</sup>. *Gleanings from Irish Manuscripts*. Dublin: Three Candles.
- Walsh, Paul. 1940. ‘Sir Richard Levinge’, *Éigse* 2, 258-9.
- Walsh, Paul. 1942 (Méan Fómhair). ‘An Leabhar Muimhneach’, *Irish Historical Studies* 3(10), 135-43.
- Walsh, Paul. 1947. *Irish Men of Learning*. Dublin: Three Candles.
- Warburton, J., J. Whitelaw & Robert Walsh. 1818. *History of the City of Dublin, From the Earliest Accounts to the Present Time; Containing Its Annals, Antiquities, Ecclesiastical History, and Charters; Its Extent, Public Buildings, Schools, Institutions, &c. To Which are Added, Biographical Notices of Eminent Men, and Copious Appendices of Its Population, Revenue, Commerce, and Literature*, Iml. 2. London: T. Cadell & W. Davies.
- Ward, Robert E., John F. Wrynn & Catherine Coogan Ward. 1988. *Letters of Charles O’Conor of Belanagare: A Catholic Voice in Eighteenth-Century Ireland*. Washington D.C.: The Catholic University of America Press.
- Watson, Seosamh. 1979. *Mac na Míchomhairle*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 31].
- Watson, Seosamh. 1991. ‘Filíocht Shéamais Daill Mhic Cuarta: Nótaí Teanga’, *Eighteenth-Century Ireland / Iris an Dá Chultúr* 6, 77-91.
- Watson, Seosamh. 2000-1. ‘An Scríobhaí mar Sheifteoir: Cás LS Uí Mhuirgheasa 16b’, *Studia Hibernica* 31, 257-75.
- Welch, Robert. 1988. *A History of Verse Translation from the Irish 1789-1987*. Totowa: Barnes and Noble Books.



- Williams, N. J. A. 1969-70. 'A Specimen of Drogheda Irish', *Éigse* 13, 313-19.
- Williams, N. J. A. 1969-70a. 'Eachtra Áodh Mhic Goireachtaidh', *Éigse* 13, 111-42.
- Williams, N. J. A. 1971-2. 'Eachtra Ghruagaigh na Creige agus na Cruite 's an Tiompáin', *Éigse* 14, 319-37.
- Williams, N. J. A. 1972. 'Eachtra Éachtaigh Mhic Ríogh na mBan Fionn', *Zeitschrift für Celtische Philologie* 32, 96-119.
- Williams, N. J. A. 1981. 'Cath Bearna Chroise Brighde', *Zeitschrift für Celtische Philologie* 38, 269-337.
- Williams, Nicholas. 1986. *I bPrionta i Leabhar: Na Protastúin agus Prós na Gaeilge, 1567-1724*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 50].
- Williams, Nicholas. 1994. 'Na Canúintí a Theacht Chun Solais' in McCone, Kim, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams & Liam Breatnach (*eagí*), *Stair na Gaeilge in Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*, 447-78. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- Williams, N. J. A. 2000-1. 'Téacsanna Foghrúla ó Chontae na Mí', *Studia Hibernica* 31, 277-91.
- Woulfe, Patrick. 1923. *Sloinnte Gaedheal is Gall: Irish Names and Surnames*. Dublin: M. H. Gill & Son.
- Wulff, Winifred & Kathleen Mulchrone. 1933. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. 10. Dublin: Hodges, Figgis & Co.

## 2. Lámhscríbhinní Gaeilge

*Léiríonn réiltín (\*) i ndiaidh na huimhreach preasa go bhfuil an lámhscríbhinn ar seachrán, ach go bhfuil sí ar fáil ar mhionscannán, nó go bhfuil cóip dhioplómaitiúil di i gcló áit éigin.*

### **ABB E2.**

**ARÉ** 23D14 (1), 24P27 (4), 23M12 (10), 23G12 (12), 23G13 (13), 23D38 (26), 23D22 (33), F.v.3 (34), F.v.2 (35), F.v.5 (36), G.vi.1 (37), 23K46 (38), 23A23 (39), 24P23 (43), 23A15 (46), 23O35 (55), 23E7 (56), 23K5 (57), 23K24 (59), 24L35 (61), 23O1 (65), 23M5 (66), 23F14 (88), 24P12 (90), 24P4 (92), 24P5 (93), 24P7 (95), 24P10 (96), 24P21 (97), 23L7 (104), 23L22 (106), 23L32 (111), 23L33 (112), 24L9 (122), 23I1 (126), 24L17 (127), 24L18 (128), 24P28 (130), 24L36 (131), 23N28 (137), 23P24 (138), 23A22 (144), 23D21 (145), 23M46 (147), 23D9 (148), 23I9 (149), 23A40 (150), 23D13 (151), 23K37 (152), 23M17 (153), 23M18 (154), 23D6 (155), 23D5 (156), 23O41 (181), 23G20 (211), 23A37 (218), 23A5 (221), 23D33 (227), 23D11 (230), 24A4 (232), 24B1 (234), 3B39 (250), 3B38 (251), 24C2 (281), 23E6 (289), 23B28 (299), 23M2 (330), 23M3 (331), 23M4 (332), 23M6 (333), 23M10 (335), 23M13 (336), 23M23 (340), 23M39 (344), 23M42 (347), 23A3 (353), 23A8 (354), 23A30 (363), 23A31 (364), 23A39 (366), 23A42 (367), 23A49 (369), 23C1 (371), 23C28 (393), 23D7 (397), 23I10 (402), 23I23 (410), 23I30 (416), 23I32 (417), 23I33 (418), 23I37 (422), 23I43 (427), 23B8 (434), 23M40 (345), 23B16 (438), 23K42 (447), 24P3 (451), 23A4 (469), 23O4 (471), 23K45 (481), 23B18 (494), 23B19 (495), 23D1 (501), 23D3 (502), 23D8 (503), 23D16 (506), 23D23 (509), 23D24 (510), 23D30 (512), 23D32 (513), 23D39 (518), 23E3 (523), 23E4 (524), 23E5 (525), 23E11 (528), 23E20 (531), 23E21 (532), 23E27 (534), 23P12

(536), 23K48 (547), 23L10 (552), 23L18 (554), 23L26 (555), 23N1 (557), 23N25 (563), 23N33 (565), 23O36 (567), 23O47 (569), 23Q1 (570), 23Q18 (573), C.iv.2 (582), 23N6 (584), 24B18 (592), 24C27 (599), 23Q18 (573), 24M10 (603), 23K32 (617), D.iii.2 (619), 23A25 (628), 23A45 (629), 23I22 (630), 23H23 (631), 23N5 (632), 3B31 (641), 3B39 (663), 23F22 (677), 23G4 (679), 23G11 (681), 23P6 (687), 23P7 (688), 23Q15 (699), 23H25 (710), 23H34 (718), A.iii.2 (735), A.iii.4 (736), A.ii.4 (738), C.vi.3 (740), B.iii.1 (742), I.v.1 (745), E.ii.1 (746), A.ii.5 (748), 24G8 (749), C.i.3 (750), E.iv.1 (751), 24P8 (752), 23I12 (753), 23E26 (756), 24A2 (757), 23F11 (758), 23F15 (759), 3B27 (762), 23E12 (769), 24L22 (771), 24L30 (772), F.v.4 (775), D.iii.3 (777), 23A41 (779), 23C30 (783), 23G8 (785), 23A32 (786), 23D17 (790), 24L28 (814), 24L34 (815), 24L31 (817), 24L25 (818), 23A33 (819), 24L40 (820), 3A13 (834), 12Q1i (838), 12Q1ii (839), 12Q2i (840), 12Q2ii (841), 12Q2iii (842), 12Q3 (843), 12Q4 (844), 12Q5 (845), 12Q6 (846), 12Q7 (847), 12Q8 (848), 12Q9 (849), 12Q10 (850), 12Q11 (851), 3A7 (852), 3A8 (853), 3A9 (854), 3A10 (855), 12F10 (890), 12B<sup>1</sup>5 (899), 12E24 (907), 12E25 (908), 23B11 (914), 23B6 (915), 23G45 (920), 24I23 (931), 24P30 (933), A.v.3 (934), C.vi.1 (936), 23C32 (939), 23P11 (944), 23C34 (954), 23A10 (960), 23C27 (964), 23N27 (966), A.iv.1 (968), 24B4 (970), 23P4 (975), 23F7 (986), 23F8 (987), 23F4 (990), 23F5 (991), 23F6 (992), E.iv.2 (995), 23N17 (996), 23E18 (997), 23G28 (1004), 23L34 (1007), 3C4i (1018), 3C4ii (1019), 12B<sup>2</sup>12 (1025), 24D4 (1035), 24D9 (1039), 24D18 (1043), 24D11 (1050), 24E21 (1058), 24P11 (1067), 24P16 (1069), 24P17 (1070), 24P19 (1071), 24P20 (1072), 24P24 (1073), 24P29 (1074), 24P31 (1075), 24P33 (1076), B.i.1a (1078), B.i.2a (1079), 12B<sup>1</sup>20 (1085), 3C8 (1096), 12F51 (1103), 12K4 (1105), 12M9 (1114), 12O17 (1123), 12Q13 (1126), 24E2 (1133), 24I5 (1140), 24Q19 (1155), 24Q20 (1156), 24Q21 (1157), B.i.2 (1160), 24C39

(1169), 24C55 (1185), 23F9 (1194), 23F10 (1195), 23F12 (1196), 23I4 (1198),  
24G20 (1203), 24I19 (1205), B.ii.1 (1216), 23F13 (1217), C.iii.1 (1219), C.iii.3  
(1220), D.ii.1 (1225), 23P16 (1230), D.i.1 (1237), 23Q11 (1244), 23Q12 (1245),  
12K32 (1246), 24D8 (1247), 24E20 (1262), 23H1 (1287), C.iii.1 (1291), 23O53  
(1362), 23O54 (1363), 23O56 (1365), 23O57 (1366), 23O59 (1368), 23O60 (1369),  
23O77 (1386), 23O79 (1388), 24P42 (1405), 24P44 (1407), 3D8, 4A58, 12O25,  
23O72.

**BCM 11.**

**BNP Fonds Celt. 66.**

**BR 4190-200, 5100-4.**

**C Add. 3082 (7), Add. 3083 (8), Add. 3084 (9), Add. 3085 (10), Add. 4205 (15),  
Add. 4436 (19), Add. 6561 (40), Add. 6563 (42).**

**CCM A, B, [C].**

**CE 17, 18.**

**CM L1, L3, L4, L6, L7, L10, L11, L14, L16, T1, T2.**

**CMPL 2.**

**COBÁC A3, A16, A18, A20, A22, A23, A25, A30, A31, A32, A39, A40, A49, Add.  
Ir. 9, B76, B85, B92, C2, C4, C5, C8, C15, D2, F14, F20, F30, L1, L10, M1, M2,  
M3, M4, M5, M6, M7, M8, M9, M10, M11, M12, M13, M14, M15, M15<sup>1</sup>, M16,  
M17, M18, M19, M20, M22, M23, M24, MA1, MA2, MA3, MA4, MA8, MA9.**

**COC B[8]** (111), M1 (1), M3 (3), M20 (20), M21 (21), M23 (23), M37 (37), M55 (55), M56 (56), C[6] (119), L7 (126), L8 (127), T<sup>1</sup>19 (19), T<sup>1</sup>37 (37), T<sup>1</sup>57 (57), T<sup>1</sup>59 (59), T<sup>1</sup>65 (65), T<sup>1</sup>66 (66).

**COFLA** [B1], [B2], C4, D1, D2, D3, D6, D7, D8, D9, D10, D11, D12, D13, D14, F1, F2, L12 [+ L13], L15, MF2, MF3, MF4, MF5, MF9, MF12, MF13, MF14.

**CPD 2.**

**CT** H.1.1-2 (1278), H.1.3-5 (1279), H.1.6 (1280), H.1.10 (1284), H.1.11 (1285), H.1.12 (1286), H.1.13 (1287), H.1.14 (1288), H.1.17 (1291), H.2.1-3 (1294), H.2.4 (1295), H.2.6 (1297), H.2.7 (1298), H.2.8 (1299), H.2.9-10 (1300), H.2.13 (1315), H.2.15*a* (1316), H.2.15*b* (1317), H.2.16 (1318), H.2.17 (1319), H.3.2 (1321), H.3.4 (1323), H.3.5 (1324), H.3.6 (1325), H.3.9 (1328), H.3.10 (1329), H.3.12 (1331), H.3.14 (1333), H.3.15 (1334), H.3.16 (1335), H.3.18 (1337), H.3.19 (1340), H.3.22 (1343), H.4.1-3 (1345), H.4.4 (1346), H.4.5 (1347), H.4.6-7 (1348), H.4.10 (1351), H.4.11 (1352), H.4.13 (1354), H.4.14 (1355), H.4.15 (1356), H.4.16 (1357), H.4.17 (1358), H.4.18 (1359), H.4.19 (1360), H.4.20 (1361), H.4.25 (1366), H.4.26 (1367), H.4.29 (1370), H.4.30 (1371), H.4.31 (1372), H.5.2 (1374), H.5.3 (1375), H.5.5 (1377), H.5.9 (1381), H.5.10 (1382), H.5.11 (1383), H.5.12 (1384), H.5.13 (1385), H.5.17 (1389), H.5.18 (1390), H.5.19 (1391), H.5.26 (1397), H.5.27 (1398), H.5.28 (1399), H.6.3 (1406), H.6.5 (1407), H.6.8 (1412), H.6.11 (1415), H.6.12 (1416), H.6.15 (1419), H.6.17 (1421), H.6.20 (1422), D.4.35 (1431), E.3.29 (1434), E.3.30 (1435), E.4.1 (1436), F.3.21 (1439), H.6.26 (1714), 2174, N.5.12 (3397), 4883/3, 11267.

**CV** Borg. Irland 1.

**DE** Gen. 1841/1, Gen. 43D.

**HLSM** STG 29/60.

**HUL** Ir. 6, Ir. 19.

**IA** 2.

**KBC** NKS173, NKS268b.

**LB** Add. 11215, Add. 18746, Add. 18747, Add. 18748, Add. 18749, Add. 20717,  
Add. 21121, Add. 30512, Add. 33196, Add. 34119, Add. 40766, Add. 40767, Eg. 89,  
Eg. 98, Eg. 99, Eg. 106, Eg. 110, Eg. 113, Eg. 116, Eg. 118, Eg. 121, Eg. 127, Eg.  
128, Eg. 129, Eg. 130, Eg. 131, Eg. 132, Eg. 133, Eg. 134, Eg. 135, Eg. 136, Eg. 139,  
Eg. 143, Eg. 146, Eg. 147, Eg. 148, Eg. 151, Eg. 152, Eg. 155, Eg. 161, Eg. 162, Eg.  
164, Eg. 165, Eg. 166, Eg. 168, Eg. 170, Eg. 171, Eg. 172, Eg. 174, Eg. 176, Eg. 179,  
Eg. 180, Eg. 181, Eg. 182, Eg. 184, Eg. 186, Eg. 187, Eg. 189, Eg. 190, Eg. 191, Eg.  
192, Eg. 193, Eg. 196, Eg. 197, Eg. 208, Eg. 209, Eg. 210, Eg. 213, Eg. 662, Eg. 663,  
Eg. 1782, Harl. 1023, Harl. 5280, Sl. 761, Sl. 3567.

**LBO** Carte 58 (2), Ir.e.4 (16), Ir.e.7 (19), Ir.f.1 (20), Rawl. B477 (25), Rawl. B485  
(29), Rawl. B488 (32), Rawl B505 (36), Rawl. B512 (38), F. 2.34 Linc. (45).

**LC** 1.

**LEM** Z2.2.1, Z2.2.2, Z4.2.4, Z4.2.5, Z4.5.6.

**LHC** 5709.

**LJR** Ir. 22, Ir. 65, Ir. 72, Ir. 83, Ir. 123.

**LN** G11, G14, G15, G19, G20, G21, G23, G24, G25, G28, G29, G30, G32, G33, G38, G39, G47, G50, G54, G57, G60, G61, G64, G65, G82, G87, G124, G125, G126, G127, G128, G129, G130, G131, G132, G133, G134, G135, G137, G138, G140, G141, G144, G145, G146, G147, G167, G168, G171, G177, G179, G190, G192, G195, G197, G199, G200, G201, G227, G228, G229, G231, G286, G332, G333, G340, G348, G355, G361, G380, G389, G411, G413, G428, G436, G447, G448, G449, G457, G458, G459, G460, G461, G465, G473, G482, G535, G536, G545, G564, G636, G644, G664, G674, G690, G692, G702, G708, G709, G730, G780, G802, G809, G869, G878, G976, G982, G992, G995, G1009, G1097, G1152, G1304, G1423.

**LNA** 33.4.11, 72.1.11, 72.2.5, 72.3.1, 72.3.2, 73.5.1.

**LNBB** Add. 410A (A3), Add. 411A (A4).

**LPBF** 1, 2, 5, 6, 7, 10, 11, 13, 14, 15, 16, 17, 18, 19*a*, 20, 21, 22, 23, 24, 26, 29, 30, 31, 34, 35, 36, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43.

**LPH** 12029M, 12052M, 12065M, 12075M, 12079M, 12095M.

**LPL** Carew 635.

**LPNE MSS.** Col. 1523.

**LSAA.**

**ML** 7.

**MN** B1, B5, B7, B9, B12, B18, C4, C8, C14, C20, C68, C71, C73, C87, C92, C93, C94, C112, C113, LM1, LM2, LM3, M103, M105, R67, R68, R73, R79, R79*a*, RB177.

**NE** P36.

**OB** 1/2, 1/155, B7, B10, B11, B15, B15, B16, B17, B18, B21, B24, B25, B26, B32, B35, B36, G2,\* G3,\* G6,\* G7,\* G14,\* G16,\* G17,\* G18.\*

**OCH** 498, 500.

**OÉG** B175, H4, H9, H10, H15, H20, H23, H34, H37, H38, H39, H66.

**ÓR** 3, 5, 15, 19, 20, 26, 40.

**OS** 17 (2).

**PRONI** D.3819/A/1/9, T3237/1 (fotachóip de SPE).

**SLVM** MS 10357, MS RARES 091 C76.

**SPAA; SPAM** [1];\* **SPB** 1, 2; **SPD; SPE; SPM** [1], [2]; **SPN; SPP;\* SPU.\***

### **3. Páipéir Nuachta**

*Ní bhactar thíos, mar a rinneadh i ngach áit eile, leis an alt The a chur roimh theidil na bpáipéar. Déantar tagairtí ginearálta do pháipéir eile sna beathaisnéisí, m.sh. Whitehall Gazette agus Whitehall Evening Post, ach ó tharla nach bhfuil ann ach tagairtí ginearálta, ní luaitear thíos iad.*

*An Claidheamh Soluis, 31/10/1908; 4/2/1911; 19/12/1914; 5/2/1916.*

*Belfast Newsletter, 22/5/1818; 1/5/1821; 15/5/1821; 9/6/1826; 20/4/1849; 4/3/1853; 4/8/1854.*



*Belfast Weekly News*, 7/1/1882.

*Drogheda Argus*, 31/10/1840; 7/11/1840; 16/1/1847; 6/2/1847; 19/8/1854;  
14/1/1871; 7/1/1882.

*Drogheda Independent*, 24/12/2004.

*Drogheda Journal*, 8/3/1834.

*Dublin Evening Post*, 25/10/1803; 8/3/1806; 4/5/1826.

*Dublin Gazette*, 19/12/1730.

*Dublin Weekly Nation*, 20/5/1843; 7/9/1844; 11/9/1844; 2/10/1847; 17/11/1866.

*Dublin Weekly Register*, 20/5/1820.

*Dundalk Democrat*, 28/4/1860; 7/10/1865; 28/12/1872; 17/10/1897.

*Erne Packet*, 29/10/1818; 4/2/1836.

*Evening Freeman*, 26/11/1860.

*Faulkner's Dublin Journal*, 21/6/1766; 24/6/1766; 28/6/1766; 1/7/1766; 8/7/1766;  
12/7/1766; 15/7/1766; 19/7/1766; 14/7/1787.

*Finn's Leinster Journal*, 24/5/1820.

*Freeman's Journal*, 1/10/1838; 9/1/1847; 7/9/1849; 12/8/1863; 5/9/1900.

*Irish Emerald*, 21/11/1896.

*Irish News*, 9/1/1946.

*Londonderry Standard*, 3/1/1866.

*Meath Chronicle*, 13/12/1941.

*Newry Telegraph*, 19/12/1812; 1/6/1813; 29/5/1829; 13/9/1833; 15/10/1839;  
9/10/1841; 12/10/1841.

*Northern Star*, 1/10/1794; 5/3/1795.

*Saunders's News-Letter*, 9/11/1780; 11/11/1780; 24/10/1803; 24/5/1820; 31/5/1821;  
2/6/1821; 18/3/1830.

*Sleater's Public Gazette*, 24/8/1765.

*Southern Reporter and Cork Commercial Courier*, 27/5/1826.

*Weekly Telegraph*, 9/4/1853; 26/2/1856; 5/4/1856.

*Westmeath Independent*, 13/1/1866.

#### **4. Ábhar Cartlainne agus Ábhar Príomha Neamhfoilsithe**

##### **Ard Mhacha: Armagh Ancestry**

1. *Daonáireamh na hÉireann*, 1821. Sliocht as na tuairisceáin do pharóiste Fhoirceal, Co. Ard Mhacha. Féach faoi PRONI thíos, uimh. 2.

##### **Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ)**

1. An tSuirbhéireacht Ordanáis, *Ordnance Survey Letters* (Litreacha Suirbhéireachta), Lú (14D23); An Mhí (14E2); An Iarmhí, Iml. 1 (14G13), Iml. 2 (14G14);

Muineachán & Ard Mhacha (14B12); An Dún (14C13); Doire (14D21); Sligeach (14F4); An Cabhán & Liatroim (14B16).

**Baile Átha Cliath: An Chartlann Náisiúnta (CN)**

1. *Daonáireamh na hÉireann*, 1821 (bloghanna), par. na Lorgan, Co. an Chabháin.

2. *Daonáireamh na hÉireann*, 1901, 1911.

3. Sraith na Corónach, Na Cúirteanna Gearra: *Petty Sessions Order Books*, CSPA 3/060, 3/061 (Ceanannas, Co. na Mí).

4. An Oifig Luachála, House Books (Leabhair Thithe),

*Co. na Mí*. Dún Seachlainn, An Sián (1853).

*Co. Lú*. Baile an Tallúnaigh (1837); Paróiste Pheadair, Droichead Átha (1838).

5. *Tithe Applotment Books* (Leabhair na nDeachúnaithe)

*Co. Liatroma*. Dumha Ard, Ros Inbhir (1833).

*Co. an Chabháin*. Greallach, Leamhaigh (1834).

*Co. Mhuineacháin*. Gréach na Ruag, Machaire Rois (1823).

*Co. Lú*. Baile an Bhótúnaigh, Baile Mhic Mhairtín (1834); Baile Thomáis, Baile Bhalraic (1834); Dún gCuaile, Fochaird (1827); Ráth Bódaigh, Baile an Tallúnaigh (1830).

*Co. na Mí*. Cill Bhríde, Cill Bhríde (1825); Droim Ghail, Loch Breacáin (1830).

6. An Chúirt Phrohbháide: *Calendar of Wills and Administrations*: Wills, 1858; Administrations, 1862; Wills, 1867; Wills & Administrations, 1892; Wills & Administrations, 1897; Wills & Administrations, 1917.
7. An Chúirt Eaglasta: *Index to Wills and Administrations*: 1811-1857.
8. Oifig an Ard-Rúnaí: *Registered Papers* (Páipéir Chláraithe): W5614.

### **Baile Átha Cliath: Church Body Representative Library**

[Áit a gcoinnítear formhór na gclár baistí, srl., de chuid Eaglais na hÉireann nár dódh sa bhliain 1922. Cailleadh breis agus 60% de na cláir a cuireadh le chéile roimh an mbliain 1871. Tá cuid mhaith de na cláir a bhaineann leis na Sé Chontae in PRONI].

Deoise: Áth Cliath

*Glas Naíon* (Eaglais na hÉireann), Adhlacthaí.

*Paróiste Naomh Muire* (Eaglais na hÉireann), Adhlacthaí.

*Paróiste San Caitríona* (Eaglais na hÉireann), Adhlacthaí.

*Paróiste San Niocláis, Taobh Amuigh* (Eaglais na hÉireann), Adhlacthaí.

*Paróiste San Seoirse* (Eaglais na hÉireann), Baistí.

### **Baile Átha Cliath: Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath**

1. *Bailiúchán na Scol*, LS. 689.

2. *CBÉ*, LS. 1213.

## Baile Átha Cliath: An Leabharlann Náisiúnta

### 1. *Cláir Baistí, Póstaí & Adhlacthaí na hEaglaise Caitlicí*

[Tá na clárleabhair ar coimead in áiteacha éagsúla, cuid acu fós sna paróistí ar leo iad, cuid acu in iarsmalanna na ndeoisí lena mbaineann siad, sa dóigh nach éasca a rá cá bhfuil go leor de na cláir go díreach. Ó tharla gur úsáideadh na mionscannáin sa Leabharlann Náisiúnta (a cuireadh ar fáil corradh agus bliain ó shin ar [www.nli.ie](http://www.nli.ie)), déantar iad a aicmiú thíos, agus de réir na ndeoisí ar leo na bunchláir féin. Is d'uimhreacha na mionscannán a thagraíonn na huimhreacha i lúbíní cearnacha. Tá cóipeanna príobháideacha de na cláir ag an gcuid is mó de na paróistí iad féin, agus tá mórán eile acu tras-scríofa ag comhlachtaí gineolais].

#### (a) Deoise: Áth Cliath

*Ard-Eaglais Naomh Muire*, Póstaí, 1810-34; Baistí, 1826-30; Baistí, 1830-7. P.9150, 9159.

*Paróiste Naoimh Míchéal agus Eoin*, Póstaí, 1833-51; Baistí, 1851-7. P.7358.

*Paróiste San Aindriasa*, Baistí & Póstaí, 1751-73; Baistí, 1832-48. P.9490, 9493.

*Paróiste San Caitríona*, Baistí & Póstaí, 1740-49; Baistí & Póstaí, 1750-65; Baistí, 1781-94; Baistí, 1822-51; Baistí, 1834-52; Póstaí, 1857-73. P.7138-40.

*Paróiste San Michin*, Póstaí, 1856-70. P.8833.

#### (b) Deoise: An Mhí

*An Chill Bheag*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1810-13, 1818-52, 1858-69. P.4184.

*An Bóthar Mín*, Póstaí & Adhlacthaí, 1831-81; Baistí, 1832-80. P.4182.

*An Lorgain*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1821-40. P.5347.

*An Obair*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1754-1821; Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1821-66. P.4183.

*An Ráistín* (Clonmellon), Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1784-1809. P.4187.

*Baile Átha Buí*, Baistí & Adhlacthaí, 1827-58. P.4173.

*Ceanannas*, Baistí 1791-1831; Baistí 1831-73; Póstaí, 1791-1873. P.4185.

*Cill Bhríde agus Droichead Uí Dhálaigh*, Baistí & Póstaí, 1832-64; Baistí, 1864-81. P.4172.

*Dún Seachlainn*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1789-1843; Adhlacthaí, 1799-1828; Póstaí, 1801-34; Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1849-72. P.4177.

(c) Deoise: Ard Mhacha

*An Creagán Íocht.*, Baistí, 1845-81; Póstaí, 1845-81. P.5589.

*An Creagán Uacht.*, Baistí & Póstaí, 1796-1803; Baistí & Póstaí, 1812-22; Baistí & Póstaí, 1845-71; Baistí, 1870-81; Póstaí, 1871-81. P.5592.

*Baile Átha Fhirdhia*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1802-26; Baistí, 1821-81. P.5601.

*Baile an Agairt*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1789-1838. P.5594.

*Baile an Tallúnaigh*, Baistí & Póstaí, 1804-75; Póstaí, 1816-63; Baistí, 1817-25; Baistí, 1830-5. P.5602.

*Cill Shléibhe Íocht.*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1835-60; Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1860-81. P.5588.

*Cill Shléibhe Uacht.*, Baistí & Póstaí, 1832-68; Baistí & Póstaí, 1868-82. P.5588.

*Clochar*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1742-99. P.5599.

*Droim an Tí*, Baistí & Póstaí, 1853-79. P.5590.

*Dún Dealgan*, Baistí, 1845-68. P.5595.

*Foirceal*, Baistí & Póstaí, 1844-79. P.5587.

*Loch gCoiligh*, Baistí & Póstaí, 1825-44; Baistí & Póstaí, 1849-81. P.5587.

*Lú*, Baistí & Póstaí, 1831-73. P.5593.

*Mainistir Bhuithe*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1830-77. P.5600.

*Paróiste Pheadair, Droichead Átha*, Baistí, 1744-57, 1764-71, 1777-8, 1781-83;

Baistí, 1783-95, 1803-4; Baistí & Póstaí 1815-42; Baistí, 1842-66; Póstaí, 1842-66.

P.5597-8.

(d) Deoise: Droim Mór

*Cill Bhrónaigh*, Baistí & Adhlacthaí, 1843-81. P.5499.

*Loch an Oileáin*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1805-52. P.5477.

(e) Deoise: Ardachadh agus Cluain Mhic Nóis

*Droim Lomáin Theas*, Baistí, Póstaí & Adhlacthaí, 1837-73. P.4236.

2. Litreacha.

MS. 792.

### 3. Lámhliostaí.

*Gaelic Manuscripts in the NLI*. Lámhliosta neamhfhoilsithe gan dáta gan údar. Ar fáil sa Seomra Léitheoireachta, Roinn na Lámhscríbhinní, An Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

### **Baile Átha Cliath: Mount Prospect Cemetery (.i. Reilig Ghlas Naíon), Glas Naíon.**

1. Cláir adhlacthaí, ó 1832 ar aghaidh.

### **Béal Feirste: Public Record Office, Northern Ireland**

1. *Cancelled Land Books* (Tuaisceart na hÉireann)

An Baile Caol, Foirceal, PRONI VAL/12/B/15/18A, 18B, 18C, 18D.

An Taobh Chrom, Droim an Tí, PRONI VAL 12/B/15/13A, 13B, 13C, 13D.

2. *Daonáireamh na hÉireann*, 1821. Sliocht as na tuairisceáin don Fhoirceal, PRONI.

3. Liostaí Vótálaithe, D/1928/F/32, D/1928/F/44.

4. Leabhair Tiomnaí Bhéal Feirste (*Will Books*), 1858–.

### **Ros Comáin: Oifig an Ard-Chláraitheora.**

[Tá cuid mhaith de na taifid seo ar fáil ag [www.irishgenealogy.ie](http://www.irishgenealogy.ie); féach nóta 954, áit a dtugtar eolas i dtaobh na dtaifead seo].



Cláir na mBreitheanna, 1864–.

Cláir na bPóstaí, 1845– (nach póstaí Caitliceacha iad); 1864– (póstaí Caitliceacha).

Cláir na mBásanna, 1864–.